

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I Gníomhartha reachtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1285/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le cur chun feidhme agus saothrú córas Eorpach um loingseoireacht satailíte agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 876/2002 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 683/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 1
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1286/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear clár gníomhaíochta chun feabhas a chur ar oibriú na gcóras cánachais san Aontas Eorpach don tréimhse 2014–2020 (Fiscalis 2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1482/2007/CE 25
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1287/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Clár um Iomaíochas na bhFiontar agus na bhfiontar beag agus meánmhéide (COSME) (2014 - 2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1639/2006/CE ⁽¹⁾ 33
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear "Erasmus+": clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1719/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1720/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1298/2008/CE ⁽¹⁾ 50
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1289/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin 74

Praghas: EUR 15

(ar leanúint ar an gcéad leathanach eile)

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE

* Faoin tagairt L 347 a foilsíodh ábhar an eagrán seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

★ Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 ó Pharlaimint na heorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh i "Fís 2020 - an Clár réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020)" agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1906/2006 ⁽¹⁾	81
★ Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fís 2020 – An Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020), agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE ⁽¹⁾	104
★ Rialachán (AE) Uimh. 1292/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 294/2008 lena mbunaítear an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht ⁽¹⁾	174
★ Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár don Chomhshaoil agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE) a bhunú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 614/2007 ⁽¹⁾	185
★ Rialachán (AE) Uimh. 1294/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear clár gníomhaíochta um chustam san Aontas Eorpach don tréimhse 2014-2020 (Custam 2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 624/2007/CE	209
★ Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2014 go 2020) a bhunú agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1718/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1855/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1041/2009/CE ⁽¹⁾	221
★ Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta ("EaSI") agus lena leasaítear Cinneadh Uimh. 283/2010/AE lena mbunaítear Saoráid Mhicreamhaoi-niúcháin don Dul Chun Cinn Eorpach le haghaidh fostaíochta agus cuimsiú sóisialta ⁽¹⁾	238
★ Rialachán (AE) Uimh. 1297/2013 Ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle maidir le forálacha áirithe a bhaineann le bainistíocht airgeadais i gcomhair Ballstát áirithe a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais, leis na rialacha saortha i gcás Ballstát áirithe agus leis na rialacha maidir le híocaíochtaí an iarmhéid deiridh	253
★ Rialachán (AE) Uimh. 1298/2013 ó Pharlaimint na heorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 maidir leis an leithdháileadh airgeadais i gcomhair Ballstát áirithe ó Chiste Sóisialta na hEorpa	256
★ Rialachán (AE) Uimh. 1299/2013 ó Pharlaimint na hEORPA agus ón gCOMHAIRLE an 17 Nollaig 2013 maidir le forálacha sonracha i dtaca le tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa do sprioc an chomhair chríochoaigh Eorpaigh	259



⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) Uimh. 1285/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 11 Nollaig 2013

maidir le cur chun feidhme agus saothrú córas Eorpach um loingseoireacht satailíte agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 876/2002 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 683/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 172 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Is é is aidhm don bheartas Eorpach um loingseoireacht satailíte dhá chóras um loingseoireacht satailíte a sholáthar don Aontas, eadhon an córas a bunaíodh faoi chlár Galileo agus córas EGNOS ('na córais'). Eascaíonn na córais seo as clár Galileo agus clár EGNOS faoi seach. Is éard atá i ngach bonneagar díobh satailítí agus gréasán de stáisiúin talún.
- (2) Is é is aidhm do chlár Galileo an chéad bhonneagar domhanda loingseoireachta agus suite satailíte atá deartha go sonrach chun críocha sibhialta a chur ar bun agus a oibriú, ar bonneagar é ar féidir le

gníomhaithe éagsúla poiblí agus príobháideacha san Eoraip agus ar fud an domhain a úsáid. Feidhmíonn an córas a bunaíodh faoi chlár Galileo go neamhspleách ar na córais eile atá ann cheana nó a d'fhéadfadh a bheith ann, ag cur ar an dóigh sin i measc nithe eile le huathriail straitéiseach an Aontais, rud a chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle béim air.

- (3) Is é is aidhm do chóras EGNOS feabhas a chur ar cháilíocht na gcomharthaí oscailte ó na córais dhomhanda um loingseoireacht satailíte atá ann cheana ('GNSS') agus ar na comharthaí sin ón tseirbhís oscailte a thairgtear leis an gcóras a bunaíodh faoi chlár Galileo, nuair a bheidh siad ar fáil. Ba cheart go gclúdófaí, mar thosaíocht, leis na seirbhísí a sholáthraíonn clár EGNOS, críocha na mBallstát atá lonnaithe go geografach san Eoraip, lena n-áirítear chun na críche seo, na hAsóir, na hOileáin Chanáracha agus Maidéara.
- (4) Thug Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus Coiste na Réigiún tacaíocht do chlár Galileo agus do chlár EGNOS i gcónaí.
- (5) Ós rud é go bhfuil a lán forbartha déanta ar chlár Galileo agus ar chlár EGNOS, as a dtagann córais atá ag céim saothraithe, tá gá le hionstraim dlí sonrach chun freastal ar a riachtanais, go háirithe i dtéarmaí rialachais agus slándála, d'fhonn an ceanglas maidir le bainistíocht fhónta airgeadais a shásamh agus d'fhonn úsáid na gcóras a chur chun cinn.
- (6) Is bonneagair iad na córais a chuirtear ar bun mar ghréasán thras-Eorpacha ar leithne i bhfad a n-úsáid ná teorainneacha náisiúnta na mBallstát. Thairis sin, rannchuidíonn na seirbhísí a thairgtear trí na córais sin le réimse leathan gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta, lena n-áirítear gréasáin thras-Eorpacha a fhorbairt in earnálacha bhonneagair an iompair, na teileachumarsáide agus an fhuinnimh.

⁽¹⁾ IO C 181, 21.6.2012, lch. 179.

- (7) Is uirlis de chuid an bheartais thionsclaíoch iad clár Galileo agus clár EGNOS agus is cuid de straitéis Eoraip 2020 iad, mar atá léirithe sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 17 Samhain 2010 dar teideal 'Beartas comhtháite tionsclaíoch do ré an domhandaithe: an t-iomaíochas agus an inbhuanaitheacht a chur chun tosaigh'. Déantar tagairt dóibh freisin sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2011 dar teideal 'I dtreo straitéise spáis de chuid an Aontais Eorpaigh atá chun leasa a shaoránaigh'. Tá a lán buntáistí do gheilleagar agus do shaoránaigh an Aontais ag na cláir sin, arb é EUR 130 billiún a luach carnach measta don tréimhse 2014-2034.
- (8) Tá líon na n-earnálacha eacnamaíoch, go háirithe na hearnálacha iompair,teileachumarsáide, talmhaíochta agus fuinnimh, a bhaineann úsáid mhéadaithe as córais um loingseoireacht satailíte ag dul i méid. Is féidir le húdaráis phoiblí freisin tairbhe a bhaint as na córais seo i réimsí éagsúla amhail seirbhísí éigeandála, na póilíní, bainistíocht ghéarchéime nó bainistíocht teorann. Tairbheoidh an geilleagar, an tsochaí agus an comhshaol go mór mar gheall ar úsáid loingseoireachta satailíte a fhorbairt. Déantar tairbhí socheacnamaíochta den sórt sin a fho-roinnt ina dtrí phríomhchatagóir: tairbhí díreacha a leanann as fás an mhargaidh spáis, tairbhí díreacha a leanann as fás an mhargaidh iartheachtaigh d'fheidhmchlár agus do sheirbhísí bunaithe ar GNSS, agus tairbhí indíreacha a leanann as teacht chun cinn feidhmchlár nua in earnálacha eile nó a leanann as aistriú teicneolaíochta chuig earnálacha eile, as a dtagann deiseanna nua do mhargáí in earnálacha eile, gnóthaithe táirgiúlachta thar an tionscal agus tairbhí poiblí a ghintear tríd an truailliú a laghdú nó trí leibhéil feabhsaithe sábháilteachta agus slándála a bheith ann.
- (9) Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go dtabharfadh an tAontas tacaíocht d'fhorbairt feidhmchlár agus seirbhísí bunaithe ar na córais. Sa tslí sin, beidh saoránaigh an Aontais in ann tairbhí de na córais, agus déanfar a áirithiú leis go gothabhálfar muinín an phobail i gclár Galileo agus i gclár EGNOS. Is é Fís 2020 - an Creatchlár um Thaighde agus Nuálaíocht ("Fís 2020") arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ an () an ionstraim iomchuí chun gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta maidir le forbairt feidhmchlár bunaithe ar GNSS a mhaoiniú. Ba cheart, áfach, go ndéanfaí cuid réamhtheachtach atá an-sonrach de ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha a mhaoiniú ón mbuiséad a leithdháilfead do chlár Galileo agus do chlár EGNOS faoin Rialachán seo, sa chás go bhfuil baint ag gníomhaíochtaí den sórt sin le heilimintí bunúsacha amhail slis-seiteanna agus glacadóirí cumasaithe do Galileo, rud a éascóidh forbairt feidhmchlár thar earnálacha difriúla den
- gheilleagar. Dá ainneoin sin, níor cheart go gcuirfeadh maoiniú den sórt sin imlonnú nó saothrú an bhonneagair a bhunófar faoi na cláir i mbaol.
- (10) I bhfianaise úsáid mhéadaitheach na loingseoireachta satailíte thar líon mór réimsí gníomhaíochta, d'fhéadfadh cur isteach ar sholáthar seirbhísí dochar mór a dhéanamh do shochaí an lae inniu agus cailteanais do go leor oibreoirí eacnamaíochta a bheith mar thoradh air. Ina theannta sin, de bhrí go bhfuil gné straitéiseach ag baint leo, is bonneagair íogaire iad córais um loingseoireacht satailíte, agus d'fhéadfadh sé go mbainfí úsáid mhaíseach astu. Is féidir leis na tosca sin tionchar a imirt ar shlándáil an Aontais, a Bhallstát agus a shaoránach. Ba cheart, dá bhrí sin, ceanglais slándála a chur san áireamh le linn dheardh, fhorbairt, imlonnú agus saothrú na mbonneagair a bhunófar faoi chlár Galileo agus faoi chlár EGNOS i gcomhréir le cleachtais chaighdeánacha.
- (11) Áirítear i gclár Galileo céim sainithe atá tugtha chun críche, céim forbartha agus bailíochtaithe go dtí 2013, céim imlonnaithe a thosaigh in 2008 agus ar cheart di a bheith críochnaithe in 2020 agus céim saothraithe ar cheart di tosú de réir a chéile ó 2014-15 chun go mbeidh an córas ar fad go hiomlán oibríochtúil in 2020. Tógadh agus láinseáladh an chéad cheithre satailít oibríochtúla tógtha agus láinseáilte le linn na céime forbartha agus bailíochta, agus ba cheart go mbeadh an cnuasach iomlán satailítí críochnaithe le linn na céime imlonnaithe agus ba cheart go ndéanfaí uasghrádú le linn na céime saothraithe. Ba cheart go ndéanfaí an bonneagair ar talamh a bhaineann leis na céimeanna sin a fhorbairt agus a oibriú dá réir sin.
- (12) Tá clár EGNOS ag an gcéim saothraithe ó dearbhaíodh go raibh a sheirbhís oscailte agus a sheirbhís ar a dtugtar 'sábháilteacht bheatha' ag oibriú i Deireadh Fómhair 2009 agus i Márta 2011 faoi seach. Faoi réir na srianta teicniúla agus airgeadais agus ar bhonn comhaontuithe idirnáisiúnta, d'fhéadfaí cumhdach geografach na seirbhísí arna soláthar ag córas EGNOS a shíneadh chuig réigiúin eile den domhan, go háirithe chuig críocha na dtíortha is iarthóirí, chuig críocha na dtríú tíortha atá comhlachaithe leis an Aerspás Eorpach Aonair agus chuig críocha na dtíortha i mBeartas Comharsanachta na hEorpa. Níor cheart, áfach, go ndéanfaí an síneadh sin chuig réigiúin eile den domhan a mhaoiniú le leithreasáí buiséadacha atá sannta do chlár Galileo agus do chlár EGNOS faoi Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an ...⁽²⁾ agus níor cheart go gcuirfeadh an síneadh sin moill ar shíneadh an chumhdaigh ar fud chríocha na mBallstát atá lonnaithe go geografach san Eoraip.
- (13) Rinneadh athphróifiliú ar bhundearadh sheirbhís sábháilteachta beatha Galileo faoi mar a fhoráiltear i Rialachán (CE) Uimh. 683/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 [lena mbunaítear Fís 2020 - An Creatchlár um thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/AE (Féach leathanach 104den Iris Oifigiúil seo)]

⁽²⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020 (Féach leathanach 884den Iris Oifigiúil seo).

gComhairle ⁽¹⁾ chun a idir-inoibritheacht le GNSS eile a áirithiú, chun freagairt go héifeachtúil do riachtanais úsáideora na seirbhíse sábháilteachta beatha agus chun coimpléascacht, rioscaí agus costais an bhonneagair atá ag teastáil a laghdú.

- (14) Chun glacadh sheirbhíse sábháilteachta beatha EGNOS a uasmhéadú, ba cheart í a chur ar fáil gan mhúirear dhíreach don úsáideoir. Ba cheart freisin an tseirbhís atá faoi rialáil phoiblí (PRS) de chuid Galileo a thairiscint saor in aisce do na rannpháirtithe PRS seo a leanas, de réir bhrí Chinneadh Uimh. 1104/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾: na Ballstáit, an Chomhairle, an Coimisiún, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí ("SEGS") agus gníomhaireachtaí cuí-údaraithe de chuid an Aontais. Ba cheart go mbeadh sé le tuiscint nach ndéanfaidh éagmais na múirear difear do na forálacha maidir leis na costais a bhaineann le feidhmiú údarás inniúil PRS mar a leagtar síos i gCinneadh Uimh. 1104/2011/AE.
- (15) Chun úsáid na seirbhíse a sholáthraítear a bharrfheabhsú, ba cheart go mbeadh na córais, gréasáin agus seirbhíse a thig as clár Galileo agus as clár EGNOS comhoiriúnach agus idir-inoibritheach lena chéile agus, a mhéid is féidir, le córais eile um loingseoireacht satailíte agus le gnáthmhodhanna radaloingseoireachta, sa chás ina leagfar comhoiriúnacht den sórt sin agus idir-inoibritheacht den sórt sin síos i gcomhaontú idirnáisiúnta, gan dochar do chuspóir na huathrialach straitéisí.
- (16) Ós rud é go bhfuil an tAontas, i bprionsabal, freagrach as clár Galileo agus as clár EGNOS a mhaoiniú go hiomlán, ba cheart a fhoráil gurb ag an Aontas a bheidh úinéireacht na sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe uile arna gcruthú nó arna bhforbairt faoi na cláir sin. Chun aon chearta bunúsacha a bhaineann le húinéireacht a chomhlíonadh go hiomlán, ba cheart na socrúithe is gá le húinéirí atá ann cheana a dhéanamh, go háirithe maidir le codanna riachtanacha na mbonneagar agus a slándáil. Ba cheart go mbeadh sé le tuiscint nach gcumhdaítear leis na forálacha maidir le húinéireacht sócmhainní doláimhsithe a leagtar síos sa Rialachán seo cearta doláimhsithe nach féidir a aistriú faoi dhlíthe náisiúnta ábhartha. Ba cheart go mbeadh úinéireacht den sórt sin ag an Aontas gan dochar don fhéidearthacht don Aontas, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus i gcás ina measfar gurb íomchuí é sin ar bhonn measúnaithe de réir gach cáis ar leith, na sócmhainní sin a chur ar fáil do thríú páirtithe nó iad a dhiúscairt. Ba cheart go mbeadh an tAontas in ann, go háirithe, úinéireacht na gcearta maoinne intleachtúla a thiocfaidh as an obair a dhéanfar faoi chlár Galileo agus faoi chlár EGNOS a aistriú go tríú páirtithe nó féadfaidh sé na cearta maoinne intleachtúla sin a cheadú. Chun glacadh loingseoireachta satailíte sa mhargadh a éascú, is gá a áirithiú gur féidir le tríú

páirtithe an úsáid is fearr a bhaint go háirithe as na cearta maoinne intleachtúla de chuid an Aontais a thig as clár Galileo agus as clár EGNOS, lena n-áirítear ar an leibhéal sóisialta agus eacnamaíoch.

- (17) Ní dhéanfaidh na forálacha maidir le húinéireacht a leagtar síos sa Rialachán seo difear do na sócmhainní a chruthófar nó a fhorbrófar lasmuigh de chlár Galileo agus de chlár EGNOS. D'fhéadfadh sé, ó am go ham, go mbeadh sócmhainní den sórt sin ábhartha, áfach, d'fheidhmiú na gclár. Chun forbairt teicneolaíochta nua a spreagadh lasmuigh de chlár Galileo agus de chlár EGNOS, ba cheart don Choimisiún spreagadh a thabhairt do thríú páirtithe a aird a tharraingt ar shócmhainní ábhartha doláimhsithe agus ba cheart, i gcás ina mbeadh sé tairbhíúil do na cláir, téarmaí maidir le húsáid íomchuí na sócmhainní sin a chaibidliú.
- (18) Ba cheart céim imlonnaithe agus céim saothraithe chlár Galileo agus céim saothraithe chlár EGNOS a bheith go hiomlán maoinithe ag an Aontas. Mar sin féin, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann maoiniú breise a thabhairt do chlár Galileo agus do chlár EGNOS nó ranníocaíocht chomhchineáil a dhéanamh leo, ar bhonn comhaontuithe íomchuí, chun eilimintí breise sna cláir a bhaineann le cuspóirí ionchasacha áirithe na mBallstát lena mbaineann a mhaoiniú. Ba cheart freisin go mbeadh tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta in ann rannchuidiú leis na cláir.
- (19) Chun comhleanúnachas agus cobhsaíocht chlár Galileo agus chlár EGNOS a áirithiú agus a ngné Eorpach agus a mbeirsluach bunúsach Eorpach á chur san áireamh, beidh maoiniú leordhóthanach agus comhsheasmhach ag teastáil le linn tréimhsí pleanála airgeadais. Is gá freisin an méid airgid a bheidh ag teastáil i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020 a shonrú, chun críochnú chéim imlonnaithe chlár Galileo agus chéim saothraithe chlár Galileo agus chéim saothraithe chlár EGNOS a mhaoiniú.
- (20) Le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 déantar uasmhéid EUR 7 071,73 milliún i bpraghsanna reatha a leithdháileadh do mhaoiniú na ngníomhaíochtaí a bhaineann le clár Galileo agus le clár EGNOS le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020. Ar mhaithe le soiléireacht agus d'fhonn rialú costas a éascú, ba cheart an méid foriomlán sin a mhiondealú ina chatagóirí éagsúla. Mar sin féin, ar mhaithe le solúbthacht agus d'fhonn dea-reachtáil na gclár a áirithiú, ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann cistí a ath-leithdháileadh ó chatagóirí amháin go chatagóirí eile. Ba cheart go mbeadh cosaint na gcóras agus a bhfeidhmithe, lena n-áirítear le linn lainseáil na satailítí, ar áireamh freisin sna gníomhaíochtaí cláir. Chuige sin,

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 683/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis na cláir Eorpacha um loingseoireacht satailíte (EGNOS agus Galileo) a chur chun feidhme tuilleadh (IO L 196, 24.7.2008, lch. 1).

⁽²⁾ Cinneadh Uimh. 1104/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir leis na rialacha i leith rochtana ar an tseirbhís atá faoi rialáil phoiblí a sholáthraítear ag an gcóras domhanda um loingseoireacht satailíte arna bhunú faoi chlár Galileo (IO L 287, 4.11.2011, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1).

d'fhéadfadh an buiséad arna leithdháileadh ar chlár Galileo agus ar chlár EGNOS ranníocaíocht a mhaoiniú leis na costais a ghabhann le seirbhísí atá in ann cosaint den sórt sin a sholáthar, agus sin a mhéid is féidir agus dianbhainistíocht costas á leanúint agus i gcomhlíonadh iomlán an uasmhéid arna bhunú i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013. Ba cheart ranníocaíocht den sórt sin a úsáid chun sonraí agus seirbhísí a sholáthar agus chuige sin amháin agus ní chun bonneagar a cheannach. Leis an Rialachán seo bunaítear imchlúdach airgeadais chun leanúint le clár Galileo agus le clár EGNOS, agus beidh an clúdach sin, de réir bhrí phointe 17 de Chomhaontaithe Idirinstiúidigh an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, comhar i gcúrsaí buiséadacha agus bainistíocht fhóna airgeadais⁽¹⁾ do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle i rith an nós imeachta airgeadais bhliantúil.

- (21) Ba cheart na gníomhaíochtaí dá ndeonófar leithreasáil buiséadacha de chuid an Aontais arna sannadh do chlár Galileo agus do chlár EGNOS don tréimhse 2014-2020 a shonrú sa Rialachán seo. Ba cheart leithreasáil den sórt sin a dheonú go príomha do ghníomhaíochtaí a bhaineann le céim imlonnaithe chlár Galileo, lena n-áirítear gníomhaíochtaí bainistíochta agus faireacháin don chéim sin, agus gníomhaíochtaí a bhaineann le saothrú an chórais a bunaíodh faoi chlár Galileo, lena n-áirítear réamhghníomhaíochtaí nó gníomhaíochtaí ullmhúcháin do chéim saothraithe an chláir sin, agus do ghníomhaíochtaí a bhaineann le saothrú chóras EGNOS. Ba cheart iad a dheonú freisin chun gníomhaíochtaí áirithe eile a mhaoiniú a bhfuil gá leo chun cuspóirí chlár Galileo agus chlár EGNOS a bhainistiú agus a bhaint amach, go háirithe tacaíocht do thaighde agus d'fhorbairt eilimintí bunúsacha, amhail slis-seiteanna agus glacadóirí cumasaithe do Galileo, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, modúil bhogearraí le haghaidh faireacháin suite agus sláine. Is comhéadan idir na seirbhísí a thairgeann na bonneagair agus feidhmchláir iartheachtacha iad na heilimintí sin, agus éascaíonn siad forbairt na bhfeidhmchlár ar fud earnálacha éagsúla an gheilleagair. Is catalaíoch iad a bhforbairt in uasmhéadú tairbhí socheacnamaíocha ós rud é go n-éascaíonn sé glacadh sa mhargadh leis na seirbhísí a thairgtear. Ba cheart go gcuirfeadh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil faoi bhráid Parlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle maidir leis an straitéis a leantar chun costais a bhainistiú.
- (22) Is tábhachtach a thabhairt faoi deara nach gcuirtear san áireamh sna costais infheistíochta ná sna costais oibriúcháin faoi mar a mheastar don tréimhse 2014-2020 na hoibleagáidí airgeadais gan coinne a bhféadfadh sé go gcaithfidh an tAontas iad a ghlacadh, go háirithe iad siúd a bhaineann le dliteanas a eascaíonn ó chomhlíonadh na seirbhísí nó ó úinéireacht Aontais ar na córais, go háirithe maidir le haon mhífheidhmiú na gcóras. Tá anailís shonrach á déanamh ag an gCoimisiún ar na hoibleagáidí sin.
- (23) Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin nach gcumhdaíonn na hacmhainní buiséadacha a bheartaítear

faoin Rialachán seo obair arna maoiniú ag cistí atá sannta do chlár Fís 2020, amhail na cistí a bhaineann le forbairt feidhmchlár atá díorthaithe ó na córais. Le hobair den sórt sin, beifear in ann úsáid na seirbhísí a sholáthraítear faoi chuimsiú chlár Galileo agus chlár EGNOS a bharrfheabhsú, fáltas maith sóisialta agus eacnamaíocha ar na hinfeistíochtaí arna ndéanamh ag an Aontas a áirithiú agus cur le fios gnó chuideachtaí an Aontais i dtaobh theicneolaíocht na loingseoireachta satailíte. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú gur ann do thrédhearacht agus do shoiléireacht maidir le foinsí éagsúla maoinithe do ghnéithe éagsúla na glár.

- (24) Ina theannta sin, ba cheart gurbh ar an Aontas a fhabhródh an t-ioncam a ghinfidh na córais, ar ioncam é a eascróidh, go háirithe, ón tseirbhís tráchtála arna soláthar ag an gcóras a bunaíodh faoi chlár Galileo, chun go gcúiteofaí go páirteach é maidir leis na hinfeistíochtaí a rinne sé roimh ré, agus ba cheart an t-ioncam sin a úsáid chun cuspóirí chlár Galileo agus chlár EGNOS a thacú. D'fhéadfaí foráil a dhéanamh freisin maidir le sásra comhroinnte ioncaim i gconarthaí a chuirfear i gcrích le heintitis san earnáil phríobháideach.
- (25) Chun costais sa bhreis agus moilleanna a raibh tionchar acu ar fheidhmiú chlár Galileo agus chlár EGNOS roimhe seo a sheachaint, is gá cur leis na hiarrachtaí chun smacht a fháil ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le costais sa bhreis agus/nó moilleanna, faoi mar a d'iarr Parlaimint na hEorpa ina rún an 8 Meitheamh 2011 maidir leis an athbhreithniú lár téarma ar na cláir Eorpacha um loingseoireacht satailíte: measúnú cur chun feidhme, dúshlán amach anseo agus peirspictíochtaí maoinithe⁽²⁾ agus faoi mar a iarradh i gconclúidí na Comhairle an 31 Márta 2011 agus mar atá léirithe sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2011 dar teideal 'Buiséad don Eoraip 2020'.
- (26) Éilítear le dea-rialachas poiblí chlár Galileo agus chlár EGNOS go ndéantar, ar thaobh amháin, cúraimí agus freagrachtaí a scaradh óna chéile go docht daingean, go háirithe idir an Coimisiún, an Ghníomhaireacht Eorpach GNSS agus an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis (GES) agus, ar an taobh eile, an rialachas a oiriúnú de réir a chéile do riachtanais oibríochtaí na gcóras.
- (27) Ós rud é go ndéanann an Coimisiún ionadaíocht thar ceann an Aontais, nach ndéanann, i bprionsabal, ach maoiniú a thabhairt do chlár Galileo agus do chlár EGNOS amháin agus a bhfuil úinéireacht na gcóras aige, ba cheart go mbeadh an Coimisiún freagrach as dul chun cinn na glár agus as maoirseacht foriomlán a dhéanamh orthu. Ba cheart dó na cistí arna leithdháileadh ar na cláir faoin Rialachán seo a bhainistiú, maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme gníomhaíochtaí uile na glár agus leithdháileadh soiléir freagrachtaí agus cúraimí a áirithiú, go háirithe idir an Ghníomhaireacht Eorpach GNSS agus GES. Chuige sin, ba cheart cúraimí sonracha a shannadh don Choimisiún, anuas ar na cúraimí a bhaineann leis na freagrachtaí ginearálta sin agus na cúraimí eile nach mór dó a chur i gcrích faoin Rialachán seo. Chun acmhainní agus inniúlachtaí na ngeallsealbhóirí éagsúla a bharrfheabhsú,

⁽¹⁾ IO L 420du 20.12.2013, p. 1

⁽²⁾ IO C 380 E, 11.12.2012, lch. 84.

ba cheart cead a bheith ag an gCoimisiún cúraimí áirithe a tharmligeán trí chomhaontuithe tarmilgín, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom), Uimh. 966/2012.

(28) I bhfianaise na tábhachta atá ag cláir bhonneagar ar talamh na gcóras do chlár Galileo agus do chlár EGNOS agus i bhfianaise a thionchair ar a slándáil, ba cheart cinneadh shuíomh an bhonneagair a bheith mar cheann de na cúraimí sonracha a shanntar don Choimisiún. Ba cheart próiseas oscailte agus trédhearcach a leanúint i gcónaí maidir le himlonnadh bhonneagar ar talamh na gcóras. Ba cheart suíomh bhonneagair den sórt sin a chinneadh trí na srianta geografacha agus teicniúla a bhaineann le dáileadh barmhaith geografach an bhonneagair ar talamh a chur san áireamh, chomh maith le haon suiteálacha nó trealamh atá ann cheana a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do na cúraimí ábhartha, agus chomh maith leis sin trína áirithiú go gcomhlíonfar riachtanais slándála gach stáisiún ar talamh agus riachtanais náisiúnta slándála gach Ballstáit.

(29) Bunaíodh an Gníomhaireacht Eorpach GNSS le Rialachán (AE) Uimh. 912/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ chun cuspóirí chlár Galileo agus chlár EGNOS a bhaint amach agus cúraimí áirithe a bhaineann le dul chun cinn na gclár sin a chur chun feidhme. Is gníomhaireacht de chuid an Aontais í atá, mar chomhlacht de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, faoi réir na n-oibleagáidí is infheidhme maidir le gníomhaireachtaí de chuid an Aontais. Ba cheart cúraimí áirithe a bhaineann le slándáil na gclár agus lena hainmniú ionchasach mar údarás inniúil PRS a shannadh dó. Ba cheart freisin go gcuideodh sé le cur chun cinn agus margú na gcóras, lena n-áirítear trí theagmhálacha a bhunú le húsáideoirí agus le húsáideoirí ionchasacha na seirbhísí a chuirfear ar fáil faoi chlár Galileo agus faoi chlár EGNOS, agus ba cheart dó faisnéis faoina riachtanais agus faoi fhorbairtí ar mhargadh na loingseoireachta satailíte a bhailiú. Ina theannta sin, ba cheart di na cúraimí a thabharfaidh an Coimisiún di a chur i gcrích trí chomhaontú tarmilgín amháin nó níos mó lena gcumhdaítear cúraimí éagsúla sonracha eile a bhaineann leis na cláir, go háirithe cúraimí a bhaineann le céimeanna saothraithe na gcóras, lena n-áirítear bainistíocht oibríochtúil na gclár, cur chun cinn na bhfeidhmchlár agus seirbhísí ar mhargadh na loingseoireachta satailíte agus cur chun cinn fhorbairt na n-elimintí bunúsacha a bhaineann leis na cláir. Chun go mbeidh an Coimisiún, ag déanamh ionadaíochta thar ceann an Aontais, in ann a chumhacht rialaithe a fheidhmiú go hiomlán, ba cheart na coinníollacha ginearálta maidir le bainistíocht na gcistí a thabharfar don Gníomhaireacht Eorpach GNSS a bheith ar áireamh sna comhaontuithe tarmilgín sin.

Ba cheart aistriú freagrachta don Gníomhaireacht Eorpach GNSS maidir leis na cúraimí a bhaineann le bainistíocht oibríochtúil chlár Galileo agus chlár EGNOS agus a bhaineann lena saothraithe a dhéanamh céim ar céim agus a bheith ar choinníoll go dtabharfar

chun críche athbhreithniú maidir le haistriú go rathúil agus ar choinníoll go mbeidh an Gníomhaireacht Eorpach GNSS ullamh glacadh le cúraimí den sórt sin, d'fhonn leanúnacht na gclár sin a áirithiú. Maidir le EGNOS, ba cheart go ndéanfaí an t-aistriú an 1 Eanáir 2014; maidir le Galileo táthar ag súil leis go ndéanfar an t-aistriú in 2016.

(30) Maidir le céim imlonnaithe chlár Galileo, ba cheart go gcuirfeadh an tAontas comhaontú tarmilgín i gcrích le GES ina leagfar amach cúraimí GES sa chéim sin. Ba cheart don Choimisiún, ag déanamh ionadaíochta thar ceann an Aontais, gach iarracht a dhéanamh an comhaontú tarmilgín sin a thabhairt i gcrích laistigh de shé mhí i ndiaidh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Chun go mbeidh an Coimisiún, in ann a chumhacht rialaithe a fheidhmiú go hiomlán, ba cheart na coinníollacha ginearálta maidir le bainistíocht na gcistí a thabharfar do GES a bheith ar áireamh sa chomhaontú tarmilgín. I leith na ngníomhaíochtaí a mhaoiníonn an tAontas amháin, ba cheart do choinníollacha den sórt sin leibhéal rialaithe a ráthú atá incomparáide leis an leibhéal a cheanglófaí dá mba gníomhaireacht de chuid an Aontais í GES.

(31) Maidir le céim saothraithe chlár Galileo agus chlár EGNOS, ba cheart don Gníomhaireacht Eorpach GNSS socruithe oibre a thabhairt i gcrích le GES ina leagfar amach cúraimí GES maidir le glúine na gcóras amach anseo a fhorbairt agus maidir le tacaíocht theicniúil a sholáthar i ndáil le glúin reatha na gcóras. Ba cheart go gcomhlíonfadh na socruithe sin Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012. Níor cheart go gcuimseofaí leis na socruithe sin ról GES ó thaobh gníomhaíochtaí a bhaineann le taighde agus teicneolaíocht, ná luathchéimeanna na ngníomhaíochtaí éabhlóide agus taighde a bhaineann leis na bhonneagair a bunaíodh faoi chlár Galileo agus faoi chlár EGNOS. Ba cheart gníomhaíochtaí den sórt sin a mhaoiniú lasmuigh de raon feidhme an bhuiséid a leithdháiltear do na cláir, mar shampla ó chistí a leithdháiltear do Fís 2020.

(32) Cuimsíonn an fhreagracht as dul chun cinn chlár Galileo agus chlár EGNOS, go háirithe, an fhreagracht as a slándáil agus as slándáil a gcóras agus a bhfeidhmíthe. Seachas i gcás ina gcuirtear i bhfeidhm Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/552/CBES ón gComhairle⁽²⁾, ar gá í a athbhreithniú chun léiriú a dhéanamh ar athruithe i gclár Galileo agus i gclár EGNOS agus ar athruithe ar an gConradh ar an Aontas Eorpach agus ar an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a thig ó Chonradh Liospóin, is é an Coimisiún atá freagrach as slándáil, fiú más rud é go dtugtar cúraimí áirithe slándála don Gníomhaireacht Eorpach GNSS. Is é an Coimisiún atá freagrach as sásraí a chur ar bun chun comhordú leormhaith a áirithiú idir na heintitis éagsúla atá freagrach as slándáil.

(33) Maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, i ndáil le cúrsaí slándála, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle le saineolaithe slándála ábhartha na mBallstát.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 912/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 lena mbunaítear an Gníomhaireacht Eorpach GNSS, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1321/2004 ón gComhairle maidir le struchtúir bhainistíochta a bhunú do na cláir Eorpacha um loingseoireacht satailíte agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 683/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. (IO L 276, 20.10.2010, lch. 11).

⁽²⁾ Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/552/CBES ón gComhairle an 12 Iúil 2004 maidir le gnéithe fheidhmiú an chórais Eorpaigh um radaloingseoireacht satailíte a imríonn tionchar ar slándáil an Aontais Eorpaigh (IO L 246, 20.7.2004, lch. 30).

- (34) Ós rud é go bhfuil saineolas sonrath ag SEGS agus go mbíonn teagmháil rialta aici le riaracháin tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, tá sí in inmhe cuidiú leis an gCoimisiún cúraimí áirithe dá chuid a chur i gcrích, ar cúraimí iad a bhaineann le slándáil na gcóras agus le slándáil chlár Galileo agus chlár EGNOS i réimse an chaidrimh eachtraigh, i gcomhréir le Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle⁽¹⁾. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go bhfuil SEGS bainteach go hiomlán lena ghníomhaíochtaí maidir le cúraimí a bhaineann le cúrsaí slándála a chur chun feidhme i réimse an chaidrimh sheachtraigh. Chuige sin, ba cheart gach tacaíocht theicniúil riachtanach a chur ar fáil do SEGS.
- (35) Chun cúrsaíocht shlán faisnéise a áirithiú, laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo, ba cheart go gcuirfí ar fáil leis na rialacháin slándála méid áirithe cosanta d'fhaisnéis rúnaicmithe AE arb ionann sin agus an chosaint a thugtar faoi na rialacha slándála a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2001/844/CE, CEGC, Euratom ón gCoimisiún⁽²⁾ agus faoi na rialacha slándála de chuid na Comhairle a leagtar amach sna hlarscríbhinní a ghabhann leis an gCinneadh 2013/488/EU⁽³⁾. Ba cheart do gach Ballstát a áirithiú go bhfuil a rialacháin náisiúnta slándála infheidhme maidir le gach duine nádúrtha ar a bhfuil sainchónaí ar a chríoch agus maidir le gach eintiteas dlíthiúil atá bunaithe ar a chríoch a dheileáil le faisnéis rúnaicmithe AE a mhéid a bhaineann le clár Galileo agus le clár EGNOS. Ba cheart rialacháin slándála GES agus Chinneadh 15.6.2011 ó Ardionadaí an Aontais do Ghníomhaíochtaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála⁽⁴⁾ a mheas a bheith coibhéiseach leis na rialacha slándála a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2001/844/CE, CEGC, Euratom agus le rialacha slándála a leagtar amach sna hlarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh 2013/488/AE.
- (36) Tá an Rialachán seo gan dochar do rialacha atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo maidir le rochtain ar dhoiciméid a ghilactar i gcomhréir le hAirteagal 15(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). De bhreis air sin, níor cheart go mbeadh sé le tuiscint ón Rialachán seo, go gcuirtear oibleagáid ar Bhallstát neamhaird a thabhairt ar a chuid ceanglas bunreachtúil i ndáil le rochtain ar dhoiciméid.
- (37) Chun cistí de chuid an Aontais arna dtugtar do chlár Galileo agus do chlár EGNOS a leithdháileadh, arb é atá sa leithdháileadh uasteorainn nach cheart don Choimisiún a shárú, ba cheart nósanna imeachta éifeachtacha soláthair poiblí a chur i bhfeidhm agus,

go háirithe, conarthaí a chaibidlí sa chaoi is go ndéantar úsáid bharrmhaith acmhainní, seirbhísí sásúla, reáchtáil rianúil na gclár, dea-bhainistíocht rioscaí agus comhlíonadh an sceidil bheartaithe a áirithiú. Ba cheart don údarás conarthach ábhartha a dhícheall a dhéanamh chun na ceanglais sin a chomhlíonadh.

- (38) Ós rud é gurb é an tAontas, i bprionsabal, a mhaoineoidh clár Galileo agus clár EGNOS, ba cheart go gcomhlíonadh an soláthar poiblí faoi na cláir sin rialacha an Aontais maidir le conarthaí poiblí agus ba cheart go bhféachfadh siad, ar an gcéad dul síos, leis an luach is fearr ar airgead a fháil, leis na costais a rialú, leis na rioscaí a mhaolú, le héifeachtúlacht a fheabhsú agus leis an spleáchas ar sholáthraithe aonair a laghdú. Ba cheart go n-áiritheofaí rochtain oscailte agus iomaíocht chóir ar fud an tslabhra soláthair, lena dtabharfaí deiseanna cothroma rannpháirtíochta don tionscal ar gach leibhéal, lena n-áirítear, go háirithe, d'iontrálaithe nua agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide ('FBManna'). Aon mhí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as ceannasacht nó aon spleáchas fadtéarmach a d'fhéadfaí a bheith ann ar sholáthraí aonair, ba cheart iad a sheachaint. Chun rioscaí a bhaineann leis an gclár a mhaolú, spleáchas ar fhoinsí aonair soláthair a sheachaint agus rialú foriomlán níos fearr ar na cláir agus ar a gcostais agus ar a sceidil a áirithiú, ba cheart ilfhoinsí a shaothrú, nuair is iomchuí. Lena chois sin, ba cheart go ndéanfaí forbairt an tionscail Eorpaigh a chaomhnú agus a chur chun cinn sna réimsí uile a bhaineann le loingseoireacht satailíte, i gcomhréir le comhaontuithe idirnáisiúnta ar páirtí an tAontais iontu. Ba cheart an riosca a bhaineann le droch-chomhlíonadh conartha nó le neamhchomhlíonadh conartha a mhaolú chomh fada agus is féidir. Chuige sin, ba cheart do chonraitheoirí inbhuanaitheacht a gcomhlíonta chonarthaigh a léiriú maidir leis na gealltanais arna ndéanamh agus le fad an chonartha. Dá bhrí sin, ba cheart do na húdaráis chonarthacha, de réir mar is iomchuí, ceanglais a shonrú a bhaineann le hiontaofacht na soláthairtí agus le soláthar na seirbhísí.

Sa bhreis air sin, i gcás earraí agus seirbhísí de chineál atá íogair a cheannach, féadfaidh údaráis chonarthacha ceannach den sórt sin a chur faoi réir ceanglas sonrath, go háirithe d'fhonn slándáil faisnéise a áirithiú. Ba cheart cead a thabhairt do thionscail an Aontais dul ar iontaoibh foinsí neamh-Aontais maidir le comhpháirteanna agus seirbhísí áirithe i gcás ina léirítear go bhfuil buntáistí suntasacha ann i dtéarmaí cáilíochta agus costas, agus aird á tabhairt, áfach, ar chineál straitéiseach na gclár agus ar cheanglais an Aontais maidir le slándáil agus rialú onnmhairithe. Ba cheart leas a bhaint as infheistíocht earnála poiblí agus as taithí agus inniúlacht thionsclaíoch, lena n-áirítear iad sin a fuarthas i gcéim sainithe agus i gcéim forbartha agus bhailíochtaí na gclár, agus é á áirithiú nach sáraítear na rialacha maidir le tairiscintí iomaíocha.

(1) Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear eagraíocht agus feidhmiú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (IO L 201, 3.8.2010, lch. 30).

(2) 2001/844/CE, CEGC, Euratom: Cinneadh ón gCoimisiún an 29 Samhain 2001 lena leasaítear a Rialacha Nós Imeachta inmheánacha (IO L 317, 3.12.2001, lch. 1).

(3) 2013/488/AE: Cinneadh ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an AE a chosaint (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1).

(4) IO C 304, 15.10.2011, lch. 7.

- (39) Chun meastóireacht níos fearr a dhéanamh ar chostas iomlán táirge, seirbhíse nó oibre a ndéanfar tairiscint ina leith, lena n-áirítear a gcostas oibriúcháin fadtéarmach, ba cheart an costas iomlán thar shaolré

- úsáideach an táirge, na seirbhíse nó na hoibre a ndéanfar tairiscint ina leith a chur san áireamh de réir mar is iomchuí le linn an tsoláthair, trí chur chuige bunaithe ar chost-éifeachtúlacht a úsáid amhail costáil saolré nuair a leantar nós imeachta soláthair atá bunaithe ar chritéar na dámhachtana tairisceana is buntáistí go heacnamaíoch. Chun na críche sin, ba cheart don údarás conarthach a chinntiú go luafar go sonrach an mhodheolaíocht lena mbeartaítear costais shaolré úsáideach an táirge, na seirbhíse nó na hoibre a ríomh, sna doiciméid chonartha nó i bhfógra an chonartha agus go mbeifear in ann cruinneas na faisnéise a thabharfaidh na tairgeoirí a fhíorú.
- (40) Is teicneolaíocht chasta í an loingseoireacht satailíte atá á forbairt an t-am ar fad. Is é an toradh atá air sin ná éiginnteacht agus rioscaí do chonarthaí poiblí arna dtabhairt i gcrích faoi chlár Galileo agus faoi chlár EGNOS, a mhéid is féidir gealltanais fhadtéarmacha maidir le trealamh nó seirbhísí a bheith i gceist le conarthaí den sórt sin. Fágann na saintréithe sin gur gá bearta ar leith i ndáil le conarthaí poiblí a bhfuil feidhm acu sa bhreis ar na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 a chur chun feidhme. Mar sin, ba cheart go bhféadfadh an t-údarás conarthach machaire réidh a athbhunú i gcás ina bhfuil faisnéis phribhléideach faoi na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an nglaoch sin ar thairiscintí ag cuideachta amháin nó níos mó, roimh an nglaoch ar thairiscintí. Ba cheart go bhféadfaí conradh a dhámhachtain i bhfoirm conartha lena bhfuil céimeanna coinníollacha íocaíochtaí i gceist, leasú a thabhairt isteach sa chonradh, faoi choinníollacha áirithe, i gcomhthéacs a chomhlíonta, nó fiú íosleibhéal fochonraitheoireachta a fhorchur. Ar deireadh, mar gheall ar na héiginnteachtaí teicneolaíochta a bhaineann le clár Galileo agus le clár EGNOS, ní féidir i gcónaí praghsanna conarthaí a thuar go beacht agus is inmhiannaithe dá bhrí sin conarthaí a thabhairt i gcrích i bhfoirm shonrach, foirm nach sonraíonn praghas seasta daingean agus a áiríonn cláisail chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.
- (41) Ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcomhréir le hAirteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach ("CAE"), nár cheart do na Ballstáit bearta a ghlacadh, ar bearta iad a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chlár Galileo agus do chlár EGNOS nó do na seirbhísí. Ba cheart a shoiléiriú freisin gur cheart do na Ballstáit lena mbaineann na bearta uile is gá a ghlacadh chun cosaint stáisiún ar talamh a bheidh bunaithe ar a gcríocha a áirithiú. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún obair le chéile agus leis na comhlachtaí iomchuí idirnáisiúnta agus leis na húdaráis rialála iomchuí chun a áirithiú go ndéanfar an speictream raidió is gá don chóras arna bhunú faoi chlár Galileo a chur ar fáil agus go ndéanfar é a chosaint le haghaidh fhorbairt agus chur chun feidhme iomlán na bhfeidhmchlár a bheidh bunaithe ar an gcóras sin, i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 243/2012/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.
- (42) I bhfianaise chineál domhanda na gcóras, tá sé fíorriachtanach go dtabharfaidh an tAontas comhaontuithe i gcrích le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta i gcomhthéacs chlár Galileo agus chlár EGNOS faoi Airteagal 218 CFAE, go háirithe chun a gcur chun feidhme rianúil a áirithiú, déileáil le ceisteanna áirithe a bhaineann le slándáil agus muirear, na seirbhísí a thugtar do shaoránaigh an Aontais a bharrfheabhsú, agus freastal ar riachtanais tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. Is fóna freisin, i gcás inar gá, comhaontuithe atá ann cheana a oiriúnú d'athruithe i gclár Galileo agus i gclár EGNOS. Le linn ullmhúchán nó chur chun feidhme na gcomhaontuithe sin, féadfaidh an Coimisiún dul ar iontaoibh chúnamh SEGS, GES agus na Gníomhaireachta Eorpaí GNSS, laistigh de theorainneacha na gcúraimí a shanntar dóibh faoin Rialachán seo.
- (43) Ba cheart a dheimhniú go bhféadfaidh an Coimisiún, agus cúraimí áirithe neamhrialála dá chuid á gcur i gcrích aige, i gcás inar gá agus a mhéid is gá, dul ar iontaoibh chúnamh teicniúil páirtithe seachtracha áirithe. Féadfaidh eintitis eile a bhfuil baint acu le rialachas poiblí chlár Galileo agus chlár EGNOS úsáid a bhaint as an gcúnamh teicniúil céanna agus cúraimí a thugtar dóibh faoin Rialachán seo á gcur i gcrích acu.
- (44) Tá an tAontas fothaithe ar urraim do chearta bunúsacha agus go háirithe ar Airteagal 7 agus ar Airteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a thugann aitheantas ar leith don cheart bunúsach chun príobháideachta agus do chosaint sonraí pearsanta. Ba cheart cosaint sonraí pearsanta agus an tsaoil phríobháidigh a áirithiú faoi chlár Galileo agus faoi chlár EGNOS.
- (45) Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha feadh an timthrialla caiteachais, lena n-áirítear neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, agus cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí sin, trí phionóis riaracháin agus airgeadais i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.
- (46) Is gá a áirithiú go gcoimeádfar Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go tráthrialta maidir le cur chun feidhme chlár Galileo agus chlár EGNOS, go háirithe maidir le bainistíocht riosca, costas, sceideal agus feidhmíocht. Ina theannta sin, tiocfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún le chéile i bPainéal Idirinstiúideach Galileo i gcomhréir le dearbhú Comhpháirteach maidir le Painéal Idirinstiúideach Galileo a fhoilsítear in éineacht leis an Rialachán seo.
- (47) Ba cheart don Choimisiún meastóireachtaí, bunaithe ar tháscairí comhaontaithe, a dhéanamh d'fhonn éifeachtacht agus éifeachtúlacht na mbearta arna ndéanamh chun cuspóirí chlár Galileo agus chlár EGNOS a bhaint amach a mheas.

⁽¹⁾ Cinneadh Uimh. 243/2012/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena mbunaítear clár beartais ilbhiantúil um an Speictream Raidió (IO L 81, 21.3.2012, lch. 7).

- (48) Chun slándáil na gcóras agus a bhfeidhmithe a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir leis na cuspóirí ardleibhéil is gá chun slándáil na gcóras agus a bhfeidhmithe a áirithiú. Tá sé fíorthábhachtach go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmhligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.
- (49) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.
- (50) Ós rud é go n-éilíonn rialú poiblí fóna bainistíocht aonfhoirmeach chlár Galileo agus chlár EGNOS, cinnteoireacht níos tapa agus rochtain chomhionann ar fhaisnéis, ba cheart go mbeadh ionadaithe na Gníomhaireachta Eorpaí GNSS agus GES in ann páirt a ghlacadh mar bhreathnóirí in obair an Choiste um Chláir Eorpacha GNSS ("an Coiste") a bunaíodh chun cúnaimh a thabhairt don Choimisiún. Ar na cúiseanna céanna, ba cheart go mbeadh ionadaithe tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta a thug comhaontú idirnáisiúnta i gcrích leis an Aontas in ann páirt a ghlacadh in obair an Choiste faoi réir srianta slándála agus de réir mar a fhoráiltear i dtéarmaí comhaontuithe den sórt sin. Ní bheidh ionadaithe na Gníomhaireachta Eorpaí GNSS, GES, tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta i dteideal páirt a ghlacadh i nósanna imeachta vótála de chuid an Choiste.
- (51) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon córais um loingseoireacht satailíte a chur ar bun agus a shaothrú, a bhaint amach go leordhóthanach, toisc go dtéann sé thar chumas airgeadais agus teicniúil aon Bhallstáit aonair, agus gur fearr, dá bhrí sin, de bharr scála agus éifeachtaí an chuspóra, is féidir é a bhaint amach trí ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.
- (52) Scoir Comhghnóthas Galileo, a cruthaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 876/2002 ón gComhairle ⁽²⁾ dá oibríochtaí

an 31 Nollaig 2006. Ba cheart dá bhrí sin Rialachán (CE) Uimh. 876/2002 a aisghairm.

- (53) I bhfianaise an ghá meastóireacht a dhéanamh ar chlár Galileo agus ar chlár EGNOS, mhéid na leasuithe atá le déanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 683/2008, agus ar mhaithe le soiléire agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 683/2008 a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo leagtar síos na rialacha maidir le córais a chur chun feidhme agus a shaothrú faoi na cláir Eorpacha um loingseoireacht satailíte, go háirithe na rialacha a bhaineann le rialachas agus ranníocaíocht airgeadais an Aontais.

Airteagal 2

Córais agus cláir Eorpacha um loingseoireacht satailíte

1. Le cláir Eorpacha um loingseoireacht satailíte, Galileo agus EGNOS, cumhdófar na gníomhaíochtaí go léir is gá chun na córais Eorpacha um loingseoireacht satailíte, eadhon an córas a bunaíodh faoi chlár Galileo agus córas EGNOS a shainiú, a fhorbairt, a bhailíochtú, a thógáil, a oibriú, a athnuachan agus a fheabhsú agus slándáil agus idir-inoibritheacht na gcóras sin a áirithiú.

Beidh sé d'aidhm ag na cláir sin tairbhí socheacnamaíocha na gcóras Eorpach um loingseoireacht satailíte a uasmhéadú, go háirithe trí úsáid na gcóras a chur chun cinn agus forbairt feidhmchlár agus seirbhísí atá bunaithe ar na córais sin a chothú.

2. Bonneagar uathrialaitheach do chóras domhanda um loingseoireacht satailíte (GNSS) a bheidh sa chóras a bhunófar faoi chlár Galileo a bheidh comhdhéanta de chnuasach satailítí agus de ghréasán domhanda stáisiún talún. Beidh sé ina córas sibhialta faoi rialú sibhialta.

3. Bonneagar do chóras réigiúnach um loingseoireacht satailíte a bheidh sa chóras EGNOS lena ndéanfar faireachán agus ceartúchán ar chomharthaí oscailte a astaíonn na córais dhomhanda um loingseoireacht satailíte atá ann cheana, chomh maith leis na comharthaí seirbhíse oscailte a thairgeann na córais arna mbunú faoi chlár Galileo, nuair a bheidh siad ar fáil. Cuimsíonn sé stáisiúin talún agus roinnt trasfhreagróirí atá suiteáilte ar shatailítí geochobhsaí.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 876/2002 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2002 lena ndéantar Comhghnóthas Galileo a chur ar bun (IO L 138, 28.5.2002, lch. 1).

4. Is iad a bheidh mar chuspóirí sonracha ag clár Galileo ná a áirithiú go bhféadfar na comharthaí a astaíonn an córas arna bhunú faoin gclár sin a úsáid chun na feidhmeanna seo a leanas a chomhlíonadh:

- (a) seirbhís oscailte (OS) a thairiscint atá saor in aisce don úsáideoir agus lena soláthraítear faisnéis suite agus sioncronaithe, lena ndírítear go príomha ar fheidhmchláir loingseoireachta satailíte ardtoirte;
- (b) go gcuirfead le seirbhísí faireacháin sláine a dhírítear ar úsáideoirí feidhmchláir sábháilteachta beatha i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, trí chomharthaí seirbhíse oscailte Galileo agus/nó i gcomhar le córais eile um loingseoireacht satailíte;
- (c) seirbhís tráchtála (CS) a thairiscint chun feidhmchláir a fhorbairt le haghaidh úsáide gairmiúla nó tráchtála trí bhíthin feidhmíochta feabhsaithe agus sonraí le breisluach níos mó ná mar a fhaightear tríd an tseirbhís oscailte;
- (d) seirbhís atá faoi rialáil phoiblí (PRS) a thairiscint atá srianta d'úsáideoirí atá údaraithe ag rialtas amháin, le haghaidh feidhmchlár íogair a éilíonn ardleibhéal leanúnachais seirbhíse, atá saor in aisce do na Ballstáit, don Chomhairle, don Choimisiún, do SEGS agus, i gcás inarb iomchuí, do ghníomhaireachtaí cuí-údaraithe de chuid an Aontais; úsáideann an tseirbhís seo comharthaí láidre criptithe. Déanfar an cheist i dtaobh muirear a ghearradh ar rannpháirtithe eile PRS dá dtagraítear in Airteagal 2 de Chinneadh Uimh. 1104/2011/AE a mheasúnú de réir gach cáis ar leith agus déanfar forálacha iomchuí a shonrú sna comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích de bhun Airteagal 3(5) den Chinneadh sin;
- (e) cur leis an tseirbhís cuardaigh agus tarrthála (SAR) de chóras COSPAS-SARSAT trí chomharthaí guaise a bhrath a tharchuirfead ó rabhcháin agus trí theachtaireachtaí a chur ar ais chucu.

5. Is iad a bheidh mar chuspóirí sonracha ag clár EGNOS ná a áirithiú go bhféadfar na comharthaí a astaíonn córas EGNOS a úsáid chun na feidhmeanna seo a leanas a chomhlíonadh:

- (a) seirbhís oscailte (OS) a thairiscint atá saor in aisce don úsáideoir agus lena soláthraítear faisnéis suite agus sioncronaithe, lena ndírítear go príomha ar fheidhmchláir loingseoireachta satailíte ardtoirte sa limistéar a chumhdaítear le córas EGNOS;
- (b) seirbhís do scaipeadh sonraí tráchtála, eadhon Seirbhís Rochtana Sonraí EGNOS (EDAS), a thairiscint chun forbairt feidhmchlár le haghaidh úsáide gairmiúla nó tráchtála a chur chun cinn trí bhíthin feidhmíochta feabhsaithe agus sonraí le breisluach níos mó ná mar a fhaightear trína sheirbhís oscailte;

- (c) seirbhís sábháilteachta beatha (SoL) a thairiscint a dhírítear ar úsáideoirí a bhfuil an tsábháilteacht riachtanach dóibh; leis an tseirbhís seo, a chuirtear ar fáil saor ó mhuirir dhíreacha don úsáideoir, comhlíontar go háirithe riachtanais leanúnachais, infhaighteachta agus cruinnis atá ag earnálacha áirithe agus áirítear leis teachtaireacht sláine lena gcuirtear an t-úsáideoir ar an eolas faoi aon chliseadh i gcórais atá á dtreisiú ag córas EGNOS ar fud an limistéir atá clúdaithe nó faoi aon chomharthaí as lamháltas ó na córais sin;

Mar thosaíocht, soláthrófar na feidhmeanna sin laistigh de chríocha na mBallstát atá lonnaithe go geografach san Eoraip chomh luath agus is féidir.

D'fhéadfaí clúdach geografach chóras EGNOS a shíneadh chuig réigiúin eile den domhan, go háirithe chuig críocha na dtíortha is iarthóirí, chuig críocha na dtírú tíortha atá comhlachaithe leis an Aerspás Eorpach Aonair agus chuig críocha tíortha i mBeartas Comharsanachta na hEorpa, faoi réir féidearthachta teicniúla agus ar bhonn comhaontuithe idirnáisiúnta. Ní chumhdófar costas sínidh den sórt sin, lena n-áirítear na costais ghaolmhara saothraithe, leis na hacmhainní dá dtagraítear in Airteagal 9. Ní chuirfidh síneadh den sórt sin moill ar shíneadh chlúdach geografach chóras EGNOS ar fud chríocha na mBallstát atá lonnaithe go geografach san Eoraip.

Airteagal 3

Céimniú chlár Galileo

Is iad seo a leanas na céimeanna a bheidh i gclár Galileo:

- (a) céim sainithe inar dearadh struchtúr an chórais agus inar cinneadh a eilimintí agus ar tháinig deireadh léi in 2001;
- (b) céim forbartha agus bhailíochtaithe, atá sceidealaithe le bheith críochnaithe faoin 31 Nollaig 2013, arb é atá inti, tógáil agus lainseáil na gcéad satailítí, cur ar bun na gcéad bhonneagar ar talamh agus na hoibreacha agus na hoibríochtaí go léir is gá chun an córas i bhfithis a bhailíochtú;
- (c) céim imlonnaithe le bheith críochnaithe faoin 31 Nollaig 2020 ina mbeidh:
 - (i) tógáil, bunú agus cosaint gach bonneagair spásbhunaithe, go háirithe na satailítí uile atá ag teastáil chun na cuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 2(4) a bhaint amach agus na satailítí breise atá ag teastáil, agus an chothabháil éabhlóideach ghaolmhar agus na hoibríochtaí gaolmhara;
 - (ii) tógáil, bunú agus cosaint gach bonneagair ar talamh, go háirithe an bhonneagair atá ag teastáil chun satailítí a rialú agus na sonraí satailíte radaloingseoireachta a phróiseáil, agus ionad seirbhísí agus ionad eile ar talamh, agus an chothabháil éabhlóideach ghaolmhar agus na hoibríochtaí gaolmhara;

- (iii) ullmhúcháin don chéim saothraithe, lena n-áirítear gníomhaíochtaí ullmhúcháin a bhaineann le seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 2(4) a sholáthar;
- (d) céim saothraithe ina mbeidh:
- (i) bainistíocht, cothabháil, feabhas leanúnach, éabhlóid agus cosaint an bhonneagair spásbhunaithe, lena n-áirítear uasghrádú agus bainistíocht dífheidhmeachta;
- (ii) bainistíocht, cothabháil, feabhas leanúnach, éabhlóid agus cosaint an bhonneagair ar talamh, go háirithe ionad seirbhísí agus ionad eile ar talamh, gréasán agus láithreán, lena n-áirítear uasghrádú agus bainistíocht dífheidhmeachta;
- (iii) forbairt ghlúine an chórais amach anseo agus éabhlóid na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 2(4);
- (iv) na hoibríochtaí deimhniúcháin agus caighdeánaithe a bhaineann leis an glár;
- (v) soláthar agus margú na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 2(4);
- (vi) comhar le GNSS eile; agus
- (vii) gach gníomhaíocht eile is gá chun an córas a fhorbairt agus chun oibriú rianúil an chórais a áirithiú.

Cuirfear tús de réir a chéile leis an gcéim saothraithe idir 2014 agus 2015, nuair a sholáthrófar na seirbhísí tosaigh don tseirbhís oscailte, don tseirbhís cuardaigh agus tarrthála agus don tseirbhís atá faoi rialáil phoiblí. Cuirfear feabhas ar na seirbhísí tosaigh sin de réir a chéile agus cuirfear na feidhmeanna eile a shonraítear sna cuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 2(4) chun feidhme de réir a chéile d'fhonn acmhainn iomlán oibríochtúil a bhaint amach faoi 31 Nollaig 2020.

Airteagal 4

Céim saothraithe EGNOS

Is éard atá, go príomha, i gcéim saothraithe EGNOS:

- (a) bainistíocht, cothabháil, feabhas leanúnach, éabhlóid agus cosaint an bhonneagair spásbhunaithe, lena n-áirítear uasghrádú agus bainistíocht dífheidhmeachta;
- (b) bainistíocht, cothabháil, feabhas leanúnach, éabhlóid agus cosaint an bhonneagair ar talamh, go háirithe gréasán, láithreán agus saoráidí tacaíochta, lena n-áirítear uasghrádú agus bainistíocht dífheidhmeachta;
- (c) forbairt ghlúine an chórais amach anseo agus éabhlóid na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 2(5);

- (d) na hoibríochtaí deimhniúcháin agus caighdeánaithe a bhaineann leis an glár;
- (e) soláthar agus margú seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 2(5);
- (f) na heilimintí ar fad a thugann údar maith le hiontaofacht an chórais agus a shaothraithe;
- (g) gníomhaíochtaí comhordaithe a bhaineann leis na cuspóirí sonracha a chur i gcrích de bhun an dara fomhír agus an tríú fomhír d'Airteagal 2(5).

Airteagal 5

Comhoiriúnacht agus idir-inoibritheacht na gcóras

1. Beidh na córais, gréasáin agus seirbhísí a thig as clár Galileo agus as clár EGNOS comhoiriúnach agus idir-inoibritheach ón taobh teicniúil de.

2. Beidh na córais, gréasáin agus seirbhísí a thig as clár Galileo agus as clár EGNOS comhoiriúnach agus idir-inoibritheach le córais eile um loingseoireacht satailíte agus le gnáthmhodhanna loingseoireachta, sa chás ina leagfar síos ceanglais den sórt sin maidir le comhoiriúnacht agus idir-inoibritheacht i gcomhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích de bhun Airteagal 29.

Airteagal 6

Úinéireacht

Beidh an tAontas ina úinéir ar na sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe go léir arna gcruthú nó arna bhforbairt faoi chlár Galileo agus faoi chlár EGNOS. Chuige sin, tabharfar comhaontuithe i gcrích le tríú páirtithe, i gcás inarb iomchuí, maidir le cearta úinéireachta atá ann cheana.

Áiritheoidh an Coimisiún, trí chreat iomchuí, an úsáid is fearr is féidir do shócmhainní dá dtagraítear san Airteagal seo: go háirithe, déanfaidh sé bainistíú chomh héifeachtúil agus is féidir ar na cearta maoine intleachtúla a bhaineann le clár Galileo agus le clár EGNOS, agus an gá le cosaint agus luach a thabhairt do chearta maoine intleachtúla an Aontais, leasanna na ngeallsealbhoirí go léir, agus an gá le forbairt chomhchuí na margaí agus na dteicneolaíochtaí nua á gcur san áireamh. Chuige sin, déanfaidh sé a áirithiú go n-áireofar sna conarthaí a dhéanfar, faoi chlár Galileo agus faoi chlár EGNOS, an fhéidearthacht cearta maoine intleachtúla a thiocthaidh as obair a dhéanfar faoi na cláir sin a aistriú go tríú páirtithe nó na cearta maoine intleachtúla sin a cheadúnú do thríú páirtithe.

CAIBIDIL II

RANNÍOCAÍOCHT AGUS SÁSRAÍ BUISÉADACHA

Airteagal 7

Gníomhaíochtaí

1. Maidir le leithreasáil buiséadacha an Aontais arna sannadh do chlár Galileo agus do chlár EGNOS don tréimhse 2014-2020 faoin Rialachán seo, deonófar iad chun na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an méid seo a leanas a mhaoiniú:

- (a) céim imlonnaithe chlár Galileo a chur i gcrích de réir mar a thagraítear in Airteagal 3(c);

- (b) céim saothraithe chlár Galileo de réir mar a thagraítear in Airteagal 3(d);
- (c) céim saothraithe chlár EGNOS de réir mar a thagraítear in Airteagal 4;
- (d) bainistíocht agus faireachán chlár Galileo agus chlár EGNOS.

2. Déanfar leithreasáí buiséadacha an Aontais arna sannadh do chlár Galileo agus do chlár EGNOS, i gcomhréir le hAirteagal 9(2), a dheonú freisin chun gníomhaíochtaí a bhaineann le taighde agus forbairt eilimintí bunúsacha a mhaoiniú, amhail slis-seiteanna agus glacadóirí cumasaithe do Galileo.

3. Déanfaidh leithreasáí buiséadacha an Aontais arna sannadh do chlár Galileo agus do chlár EGNOS caiteachas an Choimisiúin a chumhdach freisin, ar caiteachas é a bhaineann le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, cigireachta, iniúchta agus meastóireachta is gá chun na cláir a bhainistiú agus chun na cuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 2(4) agus (5) a chur chun feidhme. Go háirithe, féadfaidh caiteachas den sórt sin an méid seo a leanas a chumhdach:

- (a) staidéir agus cruinnithe le saineolaithe;
- (b) gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid institiúideach faoi thosaíochtaí beartais an Aontais i gcás ina bhfuil baint dhíreach acu le cuspóirí an Rialacháin seo, d'fhonn go háirithe sineirgí a chruthú le beartais ábhartha eile de chuid an Aontais;
- (c) gréasáin teicneolaíochta TF a bhfuil sé mar aidhm acu faisnéis a phróiseáil nó a aistriú;
- (d) aon chúnamh teicniúil nó riaracháin eile a thugtar don Choimisiún chun na cláir a bhainistiú.

4. Déanfar costais chlár Galileo agus chlár EGNOS agus costais chéimeanna éagsúla na gclár sin a shainaithint go soiléir. Cuirfidh an Coimisiún, i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta trédhearcaí, Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coiste dá dtagraítear in Airteagal 36 ("an Coiste") ar an eolas ar bhonn bliantúil maidir le leithdháileadh chistí de chuid an Aontais, lena n-áirítear an cúlchiste teagmhasach, ar gach ceann de na gníomhaíochtaí a shonraítear i mír 1, i mír 2 agus i mír 3 den Airteagal seo agus maidir le húsáid na gcistí sin.

Airteagal 8

Clár Galileo agus chlár EGNOS a mhaoiniú

1. I gcomhréir le hAirteagal 9, déanfaidh an tAontas na gníomhaíochtaí a bhaineann le clár Galileo agus le clár EGNOS dá dtagraítear in Airteagal 7(1), (2) agus (3) a mhaoiniú, chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2 a chomhlíonadh, gan dochar d'aon ranníocaíocht ó aon fhoinsé eile maoinithe, lena n-áirítear na ranníocaíochtaí sin dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3 den Airteagal seo.

2. Féadfaidh Ballstáit iarraidh a dhéanamh ar mhaoiniú breise do chlár Galileo agus do chlár EGNOS chun eilimintí breise a chlúdach i gcásanna ar leith, ar choinníoll nach gcruthófar leis na heilimintí breise sin aon ualach airgeadais nó teicniúil nó aon mhoill don chlár lena mbaineann. Ar bhonn iarrata ó Bhallstát, cinnfidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 36(3), cé acu ar comhlíonadh nó nach comhlíonadh an dá choinníoll sin. Cuirfidh an Coimisiún aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cur i bhfeidhm na míre seo ar chlár Galileo agus ar chlár EGNOS in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choiste.

3. Féadfaidh tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta maoiniú breise a chur ar fáil do chlár Galileo agus do chlár EGNOS freisin. Sonróidh na comhaontuithe idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 29 coinníollacha agus socruithe a gcuid páirtíochta.

4. Is éard a bheidh sa mhaoiniú breise dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3 den Airteagal seo ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(2) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 966/2012.

Airteagal 9

Acmhainní

1. EUR 7 071,73 milliún i bpragsanna reatha don tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020 a bheidh san uasmhéid arna leithdháileadh ag an Aontas chun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 7 (1), (2) agus (3) a chur chun feidhme agus chun na rioscaí a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin a chlúdach.

Údaróidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na leithreasáí bliantúla laistigh de theorainneacha an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Déanfar an méid dá dtagraítear sa chéad fhomhír a mhiondealú sna catagóirí caiteachais seo a leanas i bpragsanna reatha:

- (a) maidir leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 7(1), EUR 1 930 milliún;
- (b) maidir leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 7(1), EUR 3 000 milliún;
- (c) maidir leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 7(1), EUR 1 580 milliún;
- (d) maidir leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 7(1) agus in Airteagal 7(3), EUR 561,73 milliún;

2. Gan dochar d'aon mhéideanna a leithdháiltear d'fhorbairt feidhmchlár bunaithe ar na córais laistigh do Fís 2020, déanfaidh na leithreasáí buiséadacha a shannfar do chlár Galileo agus do chlár EGNOS, lena n-áirítear caiteachais shannta, na gníomhaíochtaí faoi mar a thagraítear in Airteagal 7(2) a mhaoiniú suas chomh fada le huasmhéid EUR 100 milliún ag pragsanna tairiseacha.

3. Féadfaidh an Coimisiún cistí a ath-leithdháileadh ó chatagóir caiteachais amháin, mar a leagtar síos i bpointe (a) go pointe (d) den tríú fomhír de mhír 1, chuig catagóir caiteachais eile, suas chomh fada le huasteorainn de 10 % den mhéid dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1. Sa chás go sroicheann an t-ath-leithdháileadh méid carnach is mó ná 10 % den mhéid dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an gCoiste i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 36(2).

Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas maidir le haon ath-leithdháileadh cistí idir catagóirí caiteachais.

4. Cuirfear na leithreasáí chun feidhme i gcomhréir le forálacha infheidhme an Rialacháin seo agus Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.

5. Leithreasófar na ceangaltais bhuiséadacha le haghaidh chlár Galileo agus chlár EGNOS i dtráthchodanna bliantúla.

6. Déanfaidh an Coimisiún na hacmhainní airgeadais dá dtagraítear i mír 1 a bhainistiú ar bhealach trédhearcach agus cost-éifeachtúlach. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle maidir leis an straitéis a leantar chun costais a bhainistiú.

Airteagal 10

Ioncam arna ghiniúint ag clár Galileo agus ag clár EGNOS

1. Baileoidh an tAontas an t-ioncam a ghintear ó shaothrú na gcóras, íocfar isteach i mbuiséad an Aontais é agus sannfar do chlár Galileo agus do chlár EGNOS é, agus go háirithe don chuspóir dá dtagraítear in Airteagal 2(1). Má tharlaíonn gur mó an t-ioncam ná an t-ioncam a bheidh riachtanach chun céimeanna saothraithe na gclár a mhaoiniú, déanfar aon oiriúnú ar phrionsabal an leithdháilte a fhormheas ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle ar bhonn togra ón gCoimisiún.

2. Féadfar foráil a dhéanamh maidir le sásra comhroinnte ioncaim i gconarthaí a chuirfear i gcrích le cuideachtaí san earnáil phriobháideach.

3. An t-ús arna ghiniúint ag íocaíochtaí réamh-mhaoinithe arna ndéanamh le heintitis atá freagrach as cur chun feidhme an bhuiséid go hindíreach, sannfar é do ghníomhaíochtaí atá faoi réir an chomhaontaithe tarmligin nó an chonartha arna thabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus an t-eintiteas lena mbaineann. I gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais, osclóidh na heintitis atá freagrach as cur chun feidhme an bhuiséid go hindíreach cuntais chun go bhféadfar na cistí agus an t-ús comhfhreagrach a shainaithint.

CAIBIDIL III

RIALACHAS POIBLÍ CHLÁR GALILEO AGUS CHLÁR EGNOS

Airteagal 11

Prionsabail maidir le rialachas chlár Galileo agus chlár EGNOS

Beidh rialachas poiblí chlár Galileo agus chlár EGNOS bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

- leithdháileadh docht maidir leis na cúraimí agus leis na freagrachtaí idir na heintitis éagsúla a bhfuil baint acu leis, go háirithe an Coimisiún, an Ghníomhaireacht Eorpach GNSS agus GES, faoi fhreagracht fhoriomlán an Choimisiúin;
- comhar dílis idir na heintitis dá dtagraítear i bpointe (a) agus na Ballstáit;
- rialú láidir na gclár, lena n-áirítear go gcloíonn gach eintiteas lena mbaineann go docht le costas agus sceideal, ina réimsí freagrachta, maidir le cuspóirí chlár Galileo agus chlár EGNOS;
- barrfheabhsú agus cuíchóiriú úsáid na struchtúr atá ann cheana, chun dúbailt an tsaineolais theicniúil a sheachaint.
- úsáid a bhaint as na córais bhainistíochta tionscadal deachleachtas agus as na teicnící bainistíochta tionscadal deachleachtas chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme chlár Galileo agus chlár EGNOS, i bhfianaise na riachtanas ar leith agus le tacaíocht ó shaineolaithe sa réimse sin.

Airteagal 12

Ról an Choimisiúin

1. Beidh freagracht foriomlán ag an gCoimisiún maidir le clár Galileo agus le clár EGNOS. Déanfaidh sé bainistiú ar na cistí a leithdháiltear faoin Rialachán seo, agus maoirseacht ar chur i bhfeidhm gach gníomhaíocht sna cláir, go háirithe maidir lena gcostas, sceideal agus bhfeidhmíocht.

2. I dteannta na freagrachta foriomláine dá dtagraítear i mír 1 agus na cúraimí sonracha dá dtagraítear sa Rialachán seo, déanfaidh an Coimisiún:

- leithdháileadh soiléir na gcúraimí idir na heintitis éagsúla a bhfuil baint acu le clár Galileo agus le clár EGNOS a áirithiú agus chuige sin déanfaidh sé, go háirithe trí chomhaontuithe tarmligin, na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 14(2) agus in Airteagal 15 faoi seach a thabhairt don Ghníomhaireacht Eorpach GNSS agus do GES;
- cur chun feidhme tráthúil chlár Galileo agus chlár EGNOS laistigh de na hacmhainní a leithdháilfear ar na cláir agus i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 2 a áirithiú.

Chuige sin, bunóidh sé agus cuirfidh sé i bhfeidhm ionstraimí iomchuí agus bearta struchtúracha a bheidh riachtanach chun na rioscaí a bhaineann leis na cláir a shainaithint, a rialú, a mhaolú agus faireachán a dhéanamh orthu;

- thar ceann an Aontais agus laistigh dá réimse inniúlachta, an caidreamh le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta a bhainistiú;

(d) gach faisnéis ábhartha a bhaineann le clár Galileo agus le clár EGNOS, go háirithe maidir le bainistíocht riosca, le costas foriomlán, le costais oibriúcháin bhliantúil gach míre suntasaí de bhonneagar Galileo, le hioncaim, le sceideal agus le feidhmíocht, chomh maith le forbheathnú ar chur chun feidhme na gcóras bainistíochta tionscadal agus na dteicnící bainistíochta tionscadal dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 11, a chur ar fáil go tráthúil do na Ballstáit agus do Pharlaimint na hEorpa;

(e) measúnú a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir le húsáid na gcóras Eorpach um loingseoireacht satailíte a chur chun cinn agus a áirithiú thar earnálacha éagsúla an gheilleagair, lena n-áirítear trí anailís a dhéanamh ar conas leas a bhaint as na tairbhí a ghintear ag na córais.

3. Ar mhaithe le dul chun cinn rianúil chéim imlonnaithe agus chéim saothraithe chlár Galileo agus ar mhaithe le dul chun cinn rianúil chéim saothraithe chlár EGNOS dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 4 faoi seach, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inar gá, na bearta atá riachtanach don mhéid seo a leanas a leagan síos:

(a) na rioscaí is gné dháil de dhul chun cinn chlár Galileo agus chlár EGNOS a bhainistiú agus a laghdú;

(b) na príomhchéimeanna cinnteoireachta chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na gclár a shainiú;

(c) suíomh bhonneagar ar talamh na gcóras a shocrú i gcomhréir le riachtanais slándála, mar thoradh ar phróiseas trédhearcach agus oscailte agus feidhmiú an bhonneagair sin a áirithiú;

(d) na sonraíochtaí teicniúla agus oibríochtúla is gá chun na feidhmeanna dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (c) d'Airteagal 2(4) a chomhlíonadh a chinneadh agus éabhlóidí córas a chur chun feidhme.

Déanfar na bearta cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 36(3).

Airteagal 13

Slándáil na gcóras agus a bhfeidhmíthe

1. Áiritheoidh an Coimisiún slándáil chlár Galileo agus chlár EGNOS lena n-áirítear slándáil na gcóras agus a bhfeidhmíthe. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún:

(a) an gá le forbheathnú agus le comhtháthú maidir le riachtanais agus le caighdeáin a bhaineann le slándáil sna cláir go léir a chur san áireamh;

(b) a áirithiú go dtacóidh éifeacht fhoriomlán na gceanglas agus na caighdeán sin le dul chun cinn rathúil na gclár, go háirithe i dtarmaí costas, bainistíochta riosca agus sceidil.

(c) sásraí comhordaithe idir na comhlachtaí éagsúla atá i gceist a bhunú;

(d) na caighdeáin agus na ceanglais slándála atá i bhfeidhm a chur san áireamh ionas nach n-ísleofar leibhéal ginearálta na slándála agus nach ndéanfar difear d'fheidhmiú na gcóras atá ann cheana féin bunaithe ar na caighdeáin agus ar na riachtanais sin.

2. Gan dochar d'Airteagal 14 agus d'Airteagal 16 den Rialachán seo agus d'Airteagal 8 de Chinneadh Uimh. 1104/2011/AE, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmilgthe i gcomhréir le hAirteagal 35, lena leagfar síos na cuspóirí ardleibhéil is gá chun slándáil chlár Galileo agus chlár EGNOS dá dtagraítear i mír 1 a áirithiú.

3. Bunóidh an Coimisiún na sonraíochtaí teicniúla is gá agus bearta eile chun na cuspóirí ardleibhéil dá dtagraítear i mír 2 a chur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 36(3).

4. Leanfaidh SEGS ar aghaidh ag cabhrú leis an gCoimisiún, i bhfeidhmiú a fheidhmeanna i réimse an chaidrimh sheachtraigh, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) de Chinneadh 2010/427/AE.

Airteagal 14

Ról na Gníomhaireachta Eorpaí GNSS

1 I gcomhréir leis na treoirlínte a leag an Coimisiún síos, déanfaidh an Gníomhaireacht Eorpach GNSS, an méid seo a leanas:

(a) maidir le slándáil chlár Galileo agus chlár EGNOS agus gan dochar d'Airteagal 13 agus d'Airteagal 16, a áirithiú:

(i) trína Bhord um Chreidiúnú Slándála, an creidiúnú slándála i gcomhréir le Caibidil III de Rialachán (AE) Uimh. 912/2010; chuige sin, cuirfidh sí tús le cur chun feidhme nósanna imeachta slándála, déanfaidh sí faireachán orthu agus déanfaidh sí iniúchtaí slándála córais;

(ii) feidhmiú Ionad Faireacháin Slándála Galileo, dá dtagraítear in Airteagal 6(d) de Rialachán (AE) Uimh. 912/2010, i gcomhréir leis na caighdeáin agus ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 13 den Rialachán seo, chomh maith leis na treoracha de bhun Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/552/CBES;

(b) na cúraimí dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Chinneadh Uimh. 1104/2011/AE a dhéanamh, agus cabhrú leis an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 8(6) den Chinneadh sin;

(c) cur, i gcomhthéacs chéim imlonnaithe agus chéim saothraithe chlár Galileo agus chéim saothraithe chlár EGNOS, le cur chun cinn agus margú na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 2(4) agus (5), lena n-áirítear tríd an anailís mhargaidh is gá a chur i gcrích, go háirithe tríd an tuarascáil mhargaidh a tháirgeann an Gníomhaireacht Eorpach GNSS go bliantúil maidir leis an margadh le haghaidh feidhmchlár agus seirbhísí, trí theagmhálacha dlútha a bhunú le húsáideoirí agus le húsáideoirí féideartha na gcóras ar mhaithe le faisnéis a bhailiú ar a gcuid riachtanas, trí fhorbairtí i margáí iartheachacha loingseoireachta satailíte a leanúint, agus trí phlean gníomhaíochta a dhréachtú maidir le glacadh ag pobal úsáideora na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 2(4) agus (5), a chuimsíonn go háirithe gníomhaíochtaí ábhartha a bhaineann le caighdeánú agus deimhniúchán.

2. Ina theannta sin, déanfaidh an Gníomhaireacht Eorpach GNSS cúraimí eile a bhaineann le cur chun feidhme chlár Galileo agus chlár EGNOS, lena n-áirítear cúraimí bainistíochta na glár, agus beidh sí cuntasach iontu. Déanfaidh an Coimisiún na cúraimí sin a thabhairt di trí chomhaontú tarmhligin arna ghlacadh ar bhonn cinnidh tarmhligin, i gcomhréir le hAirteagal 58(1)(c) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, agus lena n-áireofar an méid seo a leanas:

- (a) na gníomhaíochtaí oibríochtúla lena n-áirítear bainistíocht bhonneagar na gcóras, cothabháil agus feabhsú leanúnach na gcóras, na hoibríochtaí deimhniúcháin agus caighdeánaithe agus soláthar na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 2(4) agus (5);
- (b) gníomhaíochtaí forbartha agus imlonnaithe maidir le héabhlóid na gcóras agus glúine na gcóras atá le teacht agus cur leis an sainmhíniú ar éabhlóidí seirbhíse, lena n-áirítear soláthar.
- (c) forbairt feidhmchlár agus seirbhísí a chur chun cinn bunaithe ar na córais, chomh maith le feasacht feidhmchlár agus seirbhísí den sórt sin a mhúscailt, lena n-áirítear sainaitheint, nascadh agus comhordú a dhéanamh ar líonra na n-ionad barr feabhais Eorpach i bhfeidhmchláir agus seirbhísí GNSS, ag tarraingt ar shaineolas na hearnála poiblí agus príobháidí, agus bearta a bhaineann le cur chun cinn den sórt sin agus múscailt feasachta a mheas;
- (d) forbairt eilimintí bunúsacha a chur chun cinn, mar shampla slis-seiteanna agus glacadóirí cumasaithe do Galileo.

3. Déanfaidh an comhaontú tarmhligin dá dtagraítear i mír 2 leibhéal iomchuí uathrialach agus údarás a bhronnadh ar an nGníomhaireacht Eorpach GNSS, le tagairt ar leith don údarás conarthach, faoi chuimsiú Airteagal 58(1)(c) agus Airteagal 60 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012. Ina theannta sin, leagfar síos leis an gcomhaontú sin na coinníollacha ginearálta maidir le bainistíocht na gcistí arna gcur ar iontaoibh na Gníomhaireachta Eorpaí GNSS agus, go háirithe, na gníomhartha a bheidh le cur chun feidhme, an maoiniú ábhartha, na nósanna imeachta bainistíochta, bearta faireacháin agus rialaithe, na bearta is infheidhme i gcás ina gcuirtear conarthaí chun feidhme ar bhealach neamhdhóthanach i

dtéarmaí costas, sceidil agus feidhmíochta, chomh maith leis na rialacha maidir le húinéireacht sócmhainní uile inláimhsithe agus doláimhsithe.

Déanfar foráil leis na bearta faireacháin agus rialaithe, go háirithe, do chóras réamhaisnéise ar chostais shealadacha, d'fhaisnéis chórasach chuig an gCoimisiún i dtaobh costas agus sceidil, agus, i gcás ina bhfuil neamhréireacht idir na buiséid bheartaithe, an fheidhmíocht agus an sceideal, do gníomhaíochtaí ceartaitheacha lena n-áirithítear cur chun feidhme na mbonneagar laistigh de theorainn na mbuiséad arna leithdháileadh.

4. Rachaidh an Gníomhaireacht Eorpach GNSS i mbun na socrúithe oibre le GES a bheidh riachtanach chun a gcúraimí faoi seach a chomhlíonadh faoin Rialachán seo maidir le céim saothraithe chlár Galileo agus chlár EGNOS. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coiste ar an eolas maidir le socrúithe oibre den sórt sin a chuirfidh an Gníomhaireacht Eorpach GNSS i gcrích agus maidir le haon athrú orthu. Aon uair is iomchuí, féadfaidh an Gníomhaireacht Eorpach GNSS a mheas freisin dul ar iontaoibh eintiteas eile san earnáil phoiblí nó phríobháideach.

5. I dteannta na gcúraimí dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 agus laistigh de raon feidhme a misin, cuirfidh an Gníomhaireacht Eorpach GNSS a saineolas teicniúil ar fáil don Choimisiún agus tabharfaidh sí aon fhaisnéis is gá dó chun a chúraimí a chur i gcrích faoin Rialachán seo, lena n-áirítear measúnú ar an bhféidearthacht úsáid a bhaint as na córais dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 12(2) a chur chun cinn agus a áirithiú.

6. Rachfar i gcomhairle leis an gCoiste maidir leis an gcinneadh tarmhligin dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 36(2). Cuirfear Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coiste ar an eolas roimh ré maidir leis na comhaontuithe tarmhligin atá le tabhairt i gcrích ag an Aontas, a mbeidh an Coimisiún ina ionadaí dó, agus an Gníomhaireacht Eorpach GNSS.

7. Déanfaidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coiste a chur ar an eolas maidir le torthaí eatramhacha agus torthaí deiridh na meastóireachta a dhéanfar ar aon tairiscintí soláthair agus ar aon chonarthaí le heintitis san earnáil phríobháideach, lena n-áirítear an fhaisnéis a bhaineann le fochonraitheoireacht.

Airteagal 15

Ról na Gníomhaireachta Eorpaí Spáis

1. Maidir le céim imlonnaithe chlár Galileo dá dtagraítear in Airteagal 3(c), cuirfidh an Coimisiún comhaontú tarmhligin i gcrích gan mhoill le GES ina sonrófár cúraimí an dara páirtí, go háirithe maidir le dearadh, forbairt agus soláthar an chórais. Tabharfar an comhaontú tarmhligin i gcrích le GES ar bhonn cinnidh tarmhligin a ghlacfaidh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 58(1)(c) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.

A mhéid is gá do na cúraimí agus do chur chun feidhme an bhuiséid a tharmlichtear, leagfar síos leis an gcomhaontú tarmiligin na coinníollacha ginearálta maidir le bainistíocht na gcistí arna gcur ar iontaoibh GES agus, go háirithe, na gníomhartha a bheidh le cur chun feidhme maidir le dearadh, forbairt agus soláthar an chórais, an maoiniú ábhartha, na nósanna imeachta bainistíochta agus na bearta faireacháin agus rialaithe, na bearta is infheidhme i gcás ina gcuirtear conarthaí chun feidhme ar bhealach neamhdhóthanach i dtearmaí costas, sceidil agus feidhmíochta, chomh maith leis na rialacha maidir le húinéireacht sócmhainní uile inláimhsithe agus doláimhsithe.

Déanfar foráil leis na bearta faireacháin agus rialaithe, go háirithe, do chóras réamhaisnéise ar chostais shealadacha, d'fhaisnéis chórasach chuig an gCoimisiún i dtaobh costas agus sceidil, agus, i gcás ina bhfuil neamhréireacht idir na buiséid bheartaithe, an fheidhmíocht agus an sceideal, do ghníomhaíochtaí ceartaitheacha lena n-áirítear cur chun feidhme na mbonneagar laistigh de theorainn na mbuiséad arna leithdháileadh.

2. Rachfar i gcomhairle leis an gCoiste maidir leis an gcinneadh tarmiligin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 36(2). Cuirfear Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coiste ar an eolas roimh ré maidir leis an gcomhaontú tarmiligin atá le tabhairt i gcrích ag an Aontas, a mbeidh an Coimisiún ina ionadaí dó, agus GES.

3. Déanfaidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coiste a chur ar an eolas maidir le torthaí eatramhacha agus torthaí deiridh na meastóireachta a dhéanfar ar thairiscintí soláthair agus ar chonarthaí le heintitis san earnáil phríobháideach atá le tabhairt i gcrích ag GES, lena n-áirítear an fhaisnéis a bhaineann le fochonraitheoireacht.

4. Maidir le céim saothraithe chlár Galileo agus chlár EGNOS dá dtagraítear in Airteagal 3(d) agus in Airteagal 4, déanfaidh na socrúithe oibre idir an Ghníomhaireacht Eorpach GNSS agus GES, dá dtagraítear in Airteagal 14(4) aghaidh a thabhairt ar ról GES le linn na céime seo agus ar a comhoibriú leis an nGníomhaireacht Eorpach GNSS, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) ceapadh, dearadh, faireachán, soláthar agus bailíochtú faoi chuimsiú fhorbairt ghlúine na gcóras amach anseo;
- (b) tacaíocht theicniúil faoi chuimsiú fheidhmiú agus chothabháil ghlúin reatha na gcóras.

Comhlíonfaidh na socrúithe seo Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 agus na bearta arna leagan síos ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 12(3).

5. Gan dochar don chomhaontú tarmiligin ná do na socrúithe oibre dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 4 faoi seach, féadfaidh an Coimisiún saineolas teicniúil agus faisnéis is gá maidir le cur i gcrích a chúraimí faoin Rialachán seo a iarraidh ar GES.

CAIBIDIL IV

GNÉITHE A BHAINNEAN LE SLÁNDÁIL AN AONTAIS NÓ LE SLÁNDÁIL NA mBALLSTÁT

Airteagal 16

Gníomhaíocht Chomhpháirteach

I ngach cás inar féidir le feidhmiú na gcóras dochar a dhéanamh do shlándáil an Aontais nó a Bhallstát, beidh feidhm ag na nósanna imeachta a leagtar amach i nGníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/552/CBES.

Airteagal 17

Na rialacha maidir le faisnéis rúnaicmithe a chur i bhfeidhm

Faoi raon feidhme an Rialacháin seo:

- (a) áiríteoidh gach Ballstát go dtugann a rialacháin slándála náisiúnta leibhéal cosanta d'fhaisnéis rúnaicmithe AE atá coibhéiseach leis an leibhéal cosanta sin a thugtar faoi na rialacha maidir le slándáil a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2001/844/CE, CEGC, Euratom agus faoi na rialacha slándála de chuid na Comhairle a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh 2013/488/AE;
- (b) cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas gan mhoill maidir leis an rialachán slándála náisiúnta dá dtagraítear i bpointe (a).
- (c) ní fhéadfaidh daoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu i dtríú tíortha agus daoine dlítheanacha a bhunaítear i dtríú tíortha plé le faisnéis rúnaicmithe AE a bhaineann le clár Galileo agus le clár EGNOS ach amháin i gcás ina mbeidh siad faoi réir rialacháin slándála, sna tíortha sin, lena n-áiríteofar leibhéal cosanta atá coibhéiseach ar a laghad leis an leibhéal cosanta a thugtar faoi rialacha an Choimisiúin maidir le slándáil a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2001/844/CE, CEGC, Euratom agus le rialacha slándála na Comhairle a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh 2013/488/AE. Sainmhíneofar coibhéis an rialacháin slándála a chuirtear i bhfeidhm i dtríú tír nó in eagraíocht idirnáisiúnta i gcomhaontú um shlándáil faisnéise idir an tAontas agus an tríú tír sin nó an eagraíocht idirnáisiúnta i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 218 CFAE agus Airteagal 13 de Chinneadh 2013/488/AE á chur san áireamh;
- (d) gan dochar d'Airteagal 13 de Chinneadh 2013/488/AE agus do na rialacha lena rialáitear réimse na slándála tionsclaíche mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2001/844/CE, CEGC, Euratom, féadfar rochtain a thabhairt do dhuine nádúrtha nó do dhuine dlítheanach, do thríú tír nó d'eagraíocht idirnáisiúnta ar fhaisnéis rúnaicmithe AE i gcás ina meastar gur gá sin agus de réir gach cáis ar leith, i gcomhréir le cineál agus inneachar faisnéise den sórt sin, leis an ngá don fhaighteoir a bheith ar an eolas agus le méid an bhuntáiste don Aontas.

CAIBIDIL V

SOLÁTHAR POIBLÍ

ROINN I

Forálacha ginearálta is infheidhme maidir le soláthar poiblí a thugtar i gcrích mar chuid de chéim imlonnaithe agus de chéim saothraithe chlár Galileo agus de chéim saothraithe chlár EGNOS

Airteagal 18

Prionsabail ghinearálta

Gan dochar do bhearta is gá chun leasanna riachtanacha slándála an Aontais nó leasanna riachtanacha slándála poiblí a chosaint nó chun ceanglais an Aontais um rialú onnmhairithe a chomhlíonadh, beidh feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 maidir le céim imlonnaithe agus le céim saothraithe chlár Galileo agus maidir le céim saothraithe chlár EGNOS. Thairis sin, beidh feidhm ag na prionsabail ghinearálta seo a leanas maidir le céim imlonnaithe agus céim saothraithe Chlár Galileo agus le céim saothraithe Chlár EGNOS: rochtain oscailte agus iomaíocht chóir tríd an slabhra soláthair tionsclaíoch ar fad, tairiscint ar bhonn faisnéis thrédhearcach thráthúil a chur ar fáil, na rialacha soláthair phoiblí is infheidhme a chur in iúl go soiléir, critéir roghnúcháin agus dámhachtana chomh maith le haon fhaisnéis ábhartha eile a thugann machaire réidh do gach tairgeoir féideartha.

Airteagal 19

Cuspóirí sonracha

Le linn an nós imeachta soláthair, saothróidh na húdaráis chonartha ina nglanna ar thairiscintí na cuspóirí seo a leanas:

- rannpháirtíocht is mó agus is oscailte is féidir oibreoirí eacnamaíocha uile a chur chun cinn ar fud an Aontais, go háirithe rannpháirtíocht iontrálaithe nua agus FBManna lena n-áirítear trí spreagadh a thabhairt do thairgeoirí dul ar iontaoibh fochonraitheoireachta;
- mí-úsáid cheannasachta a d'fhéadfadh a bheith ann agus spleáchas ar sholáthraí aonair a sheachaint;
- leas a bhaint as infheistíochtaí earnála poiblí roimhe sin agus as na ceachtanna a foghlaimíodh, agus as taithí thionsclaíoch agus as inniúlachtaí tionsclaíocha chomh maith, lena n-áirítear iad sin a fuarthas i gcéim sainithe, céim forbartha agus bhailíochtaithe agus céim imlonnaithe chlár Galileo agus chlár EGNOS, agus a áirithiú chomh maith go gcomhlíonfar na rialacha maidir le tairiscint iomaíoch;
- an t-illhoinsiú a shaothrú nuair is iomchuí sin chun rialú foriomlán níos fearr a áirithiú ar chlár Galileo agus ar chlár EGNOS, ar a gcostas agus ar a sceideal;
- an costas iomlán a chur san áireamh nuair is iomchuí thar shaolré úsáideach an tairge, na seirbhíse nó na hoibre atá á thairiscint nó atá á tairiscint.

ROINN 2

Forálacha ginearálta is infheidhme maidir le soláthar poiblí a thugtar i gcrích mar chuid de chéim imlonnaithe agus de chéim saothraithe chlár Galileo agus de chéim saothraithe chéim EGNOS

Airteagal 20

Dálaí córa iomaíochta a bhunú

Glacfaidh an t-údarás conarthach na bearta iomchuí chun dálaí córa iomaíochta a áirithiú i gcás ina bhféadfadh rannpháirtíocht roimhe sin cuideachta i ngníomhaíochtaí a bhfuil baint acu le hábhar an ghlaigh ar thairiscintí:

- buntáistí suntasacha a thabhairt don chuideachta sin i dtéarmaí faisnéise pribhléidí agus a bheith ina cúis le himní, dá bhrí sin, i dtaobh chomhlíonadh phrionsabal an chaithimh chomhionann; nó
- tionchar a imirt ar ghnáthdhálaí na hiomaíochta nó ar neamhchlaontacht agus oibiachtúlacht na dámhachtana nó comhlíonadh na gconarthaí.

Ní dhéanfaidh na bearta sin iomaíocht a shaobhadh, nó ní dhéanfaidh siad dochar don iomaíocht nó ní dhéanfaidh siad rúndacht na sonraí arna mbailiú i leith gnóthas, a gcaidrimh ghnó agus a struchtúir chostas a chur i mbaol. Sa chomhthéacs sin, cuirfear san áireamh sna bearta sin cineál agus mionsonraithe an chonartha bheartaithe.

Airteagal 21

Slándáil faisnéise

Nuair a bhíonn faisnéis rúnaicmithe i gceist le conarthaí, nuair a éilítear faisnéis rúnaicmithe iontu, agus/nó nuair a bhíonn faisnéis rúnaicmithe iontu, sonrúidh an t-údarás conarthach sna doiciméid tairisceana na bearta agus na ceanglais is gá chun slándáil faisnéise den sórt sin a chosaint ag an leibhéal riachtanach.

Airteagal 22

Iontaofacht soláthair

Sonróidh an t-údarás conarthach sna doiciméid tairisceana a chuid riachtanais i ndáil le hiontaofacht soláthair agus seirbhísí a sholáthar chun an Conradh a fhorghníomhú.

Airteagal 23

Conarthaí lena bhfuil céimeanna coinníollacha íocaíochtaí i gceist

- Féadfaidh an t-údarás conarthach Conradh a dhámhachtain i bhfoirm conartha lena bhfuil céimeanna coinníollacha íocaíochtaí i gceist.
- Áireoidh Conradh lena bhfuil céimeanna coinníollacha íocaíochtaí i gceist céim sheasta lena mbeidh gealltanais buiséadach ag gabháil arb é atá mar thoradh air gealltanais daingean oibreacha, soláthair nó seirbhísí a conraíodh don chéim sin a chur ar fáil, agus ceann amháin nó níos mó céimeanna atá coinníollach ó thaobh buiséid agus forghníomhaithe araon. Déanfar tagairt sna doiciméid tairisceana do na gnéithe sonracha a bhaineann le conarthaí lena bhfuil céimeanna coinníollacha íocaíochtaí i gceist. Sonrófar iontu, go háirithe, ábhar an chonartha, an praghas nó na socrúithe chun an praghas a chinneadh agus na socrúithe le haghaidh soláthar oibreacha, soláthair agus seirbhísí ag gach céim.

3. Beidh oibleagáidí na céime seasta ina n-iomlán comhsheasmhach; is amhlaidh a bheidh freisin i gcás oibleagáidí gach céime coinníolláí, agus oibleagáidí na gcéimeanna ar fad roimhe sin á gcur san áireamh.

4. Beidh cur i gcrích gach céime coinníolláí faoi réir chinneadh de chuid an údaráis chonarthaigh, cinneadh a dtugtar fógra ina leith don chonraitheoir i gcomhréir leis an gconradh. I gcás ina ndearbhaítear céim choinníollach go déanach nó nach ndearbhaítear í, féadfaidh an conraitheoir, má fhoráiltear amhlaidh sa chonradh agus faoi na coinníollacha a leagtar síos ann, tairbhe a bhaint as liúntas go dtí go ndéanfar an dearbhú nó as liúntas neamh-fhorghníomhaithe.

5. Más rud é, maidir le céim ar leith, go bhfaighidh an t-údarás conarthach nach bhfuil oibreacha, soláhairtí, nó seirbhísí a comhaontaíodh don chéim sin curtha i gcrích, féadfaidh sé damáistí a éileamh agus an conradh a fhoirceannadh, má fhoráiltear amhlaidh sa chonradh agus faoi na coinníollacha a leagtar síos ann.

Airteagal 24

Conarthaí um aisíocaíocht costas

1. Féadfaidh an t-údarás conarthach conradh um aisíocaíocht iomlán costas nó conradh um aisíocaíocht pháirteach costas a roghnú, laistigh de theorainn buaicphraghais, faoi na coinníollacha a leagtar síos i mír 2.

Is éard a bheidh sa phraghas a bheidh le híoc maidir le conarthaí den sórt sin ná aisíocaíocht na gcostas díreach ar fad arna dtabhú ag an gconraitheoir le linn dó an conradh a chomhlíonadh, amhail caiteachas ar shaothar, ábhar, tomhaltáin, agus úsáid trealaimh agus bonneagair is gá chun an conradh a chomhlíonadh. Déanfar na costais sin a mhéadú le táille sheasta lena gcumhdaítear costais indíreacha agus an brabús, nó le suim lena gcumhdaítear costais indíreacha agus cúiteamh táille dreasachta bunaithe ar chuspóirí a bhaint amach maidir le feidhmíocht agus sceidil seachadta.

2. Féadfaidh an t-údarás conarthach conradh um aisíocaíocht iomlán costas nó conradh um aisíocaíocht pháirteach costas a roghnú i gcás nach féidir praghas seasta beacht a shonrú ar bhealach oibiachtúil agus más féidir a thaispeáint go réasúnta go mbeadh praghas seasta den sórt sin as cuimse ard de bharr éiginnteachtaí a bhaineann go dlúth le comhlíonadh an chonartha toisc:

- (a) go bhfuil eilimintí an-chasta nó eilimintí a éilíonn úsáid teicneolaíochta nua sa chonradh agus, dá bhrí sin, go bhfuil líon suntasach rioscaí teicniúla ag baint leis; nó
- (b) nach mór, ar chúiseanna oibríochtúla, tús a chur láithreach leis na gníomhaíochtaí atá faoi réir an chonartha, cé nach féidir fós praghas seasta daingean a shocrú go hiomlán mar gheall ar rioscaí suntasacha nó toisc go mbraitheann comhlíonadh an chonartha i bpáirt ar chomhlíonadh conarthaí eile.

3. Is é a bheidh sa bhuaicphraghas maidir le conradh um aisíocaíocht iomlán costas nó le conradh um aisíocaíocht pháirteach costas an t-uasphraghas atá iníoctha. Ní fhéadfar é

a shárú ach amháin i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar maith leo faoi réir chomhaontú an údaráis chonarthaigh roimh ré.

4. Sonrófar an méid seo a leanas i ndoiciméid tairisceana nós imeachta soláhair a bhaineann le conradh um aisíocaíocht iomlán costas nó le conradh um aisíocaíocht pháirteach costas:

- (a) cineál an chonartha, is é sin le rá arb é atá i gceist leis conradh um aisíocaíocht iomlán costas nó conradh um aisíocaíocht pháirteach costas laistigh de theorainn buaicphraghais;
 - (b) i gcás conartha um aisíocaíocht pháirteach costas, eilimintí an chonartha atá faoi réir aisíocaíochta costas;
 - (c) an buaicphraghas iomlán;
 - (d) na critéir dámhachtana, lena gcaithfear a bheith in ann creatúlacht an bhuiséid fhoriomláin mheasta, na gcostas is inaisíoctha, na sásraí chun na costais sin a chinneadh, agus an bhrabúis dá dtagraítear sa tairiscint a mheas;
 - (e) cineál an mhéadaithe dá dtagraítear i mír 1 atá le cur i bhfeidhm ar chostais dhíreacha;
 - (f) na rialacha agus na nósanna imeachta lena gcinntear incháilitheacht na gcostas atá beartaithe ag an tairgeoir chun an conradh a chomhlíonadh, i gcomhréir leis na príonsabail a leagtar amach i mír 5;
 - (g) na rialacha cuntasáíochta nach mór do na tairgeoirí a chomhlíonadh;
 - (h) i gcás conartha um aisíocaíocht pháirteach costas atá le hathrú go conradh le praghas seasta daingean, na méadrachtaí a bhaineann le hathrú den sórt sin.
5. Ní bheidh na costais arna ndearbhú ag an tairgeoir le linn dó conradh um aisíocaíocht iomlán costas nó conradh um aisíocaíocht pháirteach costas a chomhlíonadh incháilithe ach amháin sna cásanna seo a leanas:
- (a) tá siad tabhaithe iarbhír i rith an chonartha, cé is moite de chostais an trealaimh, na mbonneagar agus na sócmhainní seasta doláimhsithe is gá chun an conradh a chomhlíonadh, nithe a fhéadfar a mheas mar incháilithe chomh fada le hiomlán a luacha ceannaigh;
 - (b) tá tagairt déanta dóibh sa bhuiséad foriomlán measta a fhéadfar a athbhreithniú le leasuithe ar an gconradh tosaigh;
 - (c) tá gá leo chun an conradh a chomhlíonadh;
 - (d) is toradh iad ar chomhlíonadh an chonartha agus tá siad inchurtha i leith chomhlíonadh an chonartha;

- (e) is féidir iad a shainaithint agus a fhíorú, tá taifead orthu i dtairfead cuntasáíochta an chonraitheora agus tá siad cinntithe i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasáíochta dá dtagraítear sna sonraíochtaí agus sa chonradh;
- (f) comhlíonann siad forálacha na reachtaíochta cánach agus sóisialta is infheidhme;
- (g) ní mhaolaíonn siad ar théarmaí an chonartha;
- (h) tá siad réasúnta, tá údar maith leo agus comhlíonann siad ceanglais na bainistíochta fóna airgeadais, go háirithe maidir le barainneacht agus éifeachtúlacht.

Beidh an conraitheoir freagrach as a chuntasáíocht costála féin, as taifid fhóna chuntasáíochta a choinneáil nó as aon doiciméad eile is gá chun a thaispeáint gur tabhaíodh na costais a n-iarrann sé aisíocaíocht ina leith agus go gcomhlíonann siad na prionsabail a leagtar amach san Airteagal seo a choinneáil. Meastar nach incháilithe na costais nach féidir leis an gconraitheoir bunús a thabhairt leo agus diúltaítear iad a aisíoc.

6. Beidh an t-údarás conarthach freagrach as na cúraimí seo a leanas a chur i gcrích chun a áirithiú go ndéantar conarthaí um aisíocaíocht costas a chomhlíonadh i gceart:

- (a) cinntíodh sé an buaicphraghas is réalaí is féidir, agus an tsolúbthacht is gá chun na rioscaí teicniúla a chur san áireamh á thabhairt ag an am céanna;
- (b) athróidh sé conradh um aisíocaíocht pháirteach costas go conradh le praghas iomlán seasta daingean a luaithe is féidir, le linn chomhlíonadh an chonartha, praghas seasta daingean den sórt sin a chinneadh. Chuige sin, cinntíodh sé na paraiméadair i leith athraithe chun conradh a tugadh i gcrích ar bhonn aisíocaíochta costas a athrú go conradh le praghas seasta daingean;
- (c) cuirfidh sé bearta faireacháin agus rialaithe chun feidhme a dhéanfaidh foráil, go háirithe, do chóras réamhaisnéise ar chostais mheasta;
- (d) déanfaidh sé prionsabail, uirlisí agus nósanna imeachta oiriúnacha do chomhlíonadh an chonartha a chinneadh, go háirithe chun incháilitheacht na gcostas arna ndearbhú ag an gconraitheoir nó ag a fhochonraitheoirí le linn chomhlíonadh an chonartha a shainaithint agus a sheiceáil, agus chun leasuithe ar an gconradh a thabhairt isteach;
- (e) seiceálfad siad go gcomhlíonann an conraitheoir agus a fhochonraitheoirí na caighdeáin chuntasáíochta a sonraítear sa chonradh agus an oibleagáid a gcuid doiciméad cuntasáíochta a sholáthar ar cheart dóibh léargas fíor agus cóir ar na cuntais a thabhairt;
- (f) déanfaidh sé a áirithiú go leanúnach, ar feadh chomhlíonadh an chonartha, éifeachtacht na bprionsabal, na n-uirlisí agus na nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointe (d).

Airteagal 25

Leasuithe

Féadfaidh an t-údarás conarthach agus na conraitheoirí an conradh a athrú le leasú ar choinníoll go gcomhlíonann an leasú na coinníollacha seo a leanas ar fad:

- (a) ní athraíonn sé ábhar an chonartha;
- (b) ní chuireann sé as do chothromaíocht eacnamaíoch an chonartha;
- (c) ní thugann sé isteach coinníollacha, ar coinníollacha iad, dá mba rud é go raibh siad i ndoiciméid an chonartha ar dtús, a thabharfadh cead isteach do thairgeoirí seachas iad siúd ar tugadh cead isteach dóibh ar dtús nó a thabharfadh cead glacadh le tairiscint seachas an tairiscint ar glacadh léi ar dtús.

Airteagal 26

Fochonraitheoireacht

1. Iarrfaidh an t-údarás conarthach ar an tairgeoir sciar den chonradh a ligean ar fochonradh, trí chóras tairiscintí iomaíochta ar leibhéal iomchuí fochonraitheoireachta, do chuideachtaí seachas na cuideachtaí sin lena mbaineann grúpa an tairgeora féin go háirithe d'iontrálaithe nua agus do FBManna.

2. Sloinnfidh an t-údarás conarthach sciar riachtanach an chonartha atá le ligean ar fochonradh mar raon ó íoschéatadán go uaschéatadán. Áiritheoidh sé go bhfuil céadatáin den sórt sin comhréireach le cuspóir agus luach an chonartha, agus aird á thabhairt ar chineál na hearnála gníomhaíochta lena mbaineann, agus go háirithe, ar na dálaí iomaíochta agus ar an acmhainneacht thionsclaíoch arna mbreathnú.

3. Má thugann an tairgeoir le fios ina thairiscint nach bhfuil sé ar intinn aige aon sciar den chonradh a chur ar fochonradh nó sciar níos lú ná íosmhéid an raoin dá dtagraítear i mír 1a a chur ar fochonradh, cuirfidh sé na cúiseanna a bhaineann leis sin faoi bhráid an údaráis chonarthaigh. Cuirfidh an t-údarás conarthach an fhaisnéis sin faoi bhráid an Choimisiúin.

4. Féadfaidh an t-údarás conarthach diúltú do na fochonraitheoirí roghnaithe ag an iarrthóir ag céim nós imeachta dámhachtana an phríomhchonartha nó roghnaithe ag an tairgeoir ar glacadh leis do chomhlíonadh an chonartha. Tabharfaidh sé údar maith i scríbhinn lena dhiúltú, diúltú nach féidir leis a bheith bunaithe ach ar na critéir arna n-úsáid chun tairgeoirí a roghnú don phríomhchonradh.

CAIBIDIL VI

FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA

Airteagal 27

Cláireagrú

Glacfaidh an Coimisiún clár oibre bliantúil i bhfoirm phlean cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí is gá chun cuspóirí sonracha chlár Galileo a leagtar síos in Airteagal 2(4) a chomhlíonadh i gcomhréir leis na céimeanna a leagtar amach in Airteagal 3 agus le cuspóirí sonracha chlár EGNOS a leagtar amach in Airteagal 2(5). Déanfaidh an clár oibre bliantúil foráil chomh maith do mhaoiniú na ngníomhaíochtaí sin.

Déanfar na bearta cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 36(3).

Airteagal 28

Gníomhaíochtaí na mBallstát

Déanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun go n-áiritheofar dea-fheidhmiú chlár Galileo agus chlár EGNOS lena n-áirítear bearta chun a áirithiú go ndéanfar na stáisiúin talún atá ar a gcríocha a chosaint, ar bearta iad a bheidh ar a laghad coibhéiseach leo siúd a theastaíonn chun na bonneagair rithabhachtacha Eorpacha a chosaint de réir bhrí Threoir 2008/114/CE ón gComhairle ⁽¹⁾. Ní ghlacfaidh na Ballstáit aon bhearta lena bhféadfaí dochar a dhéanamh do na cláir nó do na seirbhísí a chuirtear ar fáil trína saothrú, go háirithe i dtéarmaí leanúnachas feidhmiú na mbonneagar.

Airteagal 29

Comhaontuithe idirnáisiúnta

Féadfaidh an tAontas comhaontuithe a thabhairt i gcrích le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta faoi chlár Galileo agus faoi chlár EGNOS i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 218 CFAE.

Airteagal 30

Cúnamh teicniúil

Chun na cúraimí teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 12(2) a dhéanamh, féadfaidh an Coimisiún dul ar iontaoibh an chúnaimh teicniúil is gá, go háirithe inniúlacht agus shaineolas na n-údarás náisiúnta atá inniúil i réimse an spáis, nó cúnaimh saineolaithe neamhspleách agus comhlachtaí atá in ann anailís agus tuairimí neamhchlaonta a sholáthar faoi dhul chun cinn chlár Galileo agus chlár EGNOS.

Féadfaidh na heintitis a bhfuil baint acu le rialachas poiblí na gclár, seachas an Coimisiún, go háirithe, an Ghníomhaireacht Eorpach GNSS agus GES, an cúnamh teicniúil céanna a fháil i gcur i gcrích na gcúraimí a thugtar dóibh faoin Rialachán seo.

Airteagal 31

Sonraí pearsanta agus príobháideacht a chosaint

1. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar sonraí pearsanta agus príobháideacht a chosaint le linn dheardh, chur chun feidhme agus shaothrú na gcóras agus go n-áireofar cosaintí iomchuí iontu.

2. Déanfar na sonraí pearsanta uile a láimhseáiltear i gcomhthéacs na gcúraimí agus na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear sa Rialachán seo a phróiseáil i gcomhréir leis an dlí is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta, go háirithe

⁽¹⁾ Treoir 2008/114/CE ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 maidir le bonneagair rithabhachtacha Eorpacha a aithint agus a ainmniú agus measúnú a dhéanamh ar an ngá atá ann a gcosaint a fheabhsú (IO L 345, 23.12.2008, lch. 75).

Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ agus Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾.

Airteagal 32

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

1. Glacfaidh an Coimisiún na bearta iomchuí lena n-áiríteofar, nuair a chuirtear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo chun feidhme, go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne calaoise, éillithe agus aon gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí mhéideanna a íocadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha.

2. Beidh an chumhacht ag an gCoimisiún nó ag a ionadaithe agus ag an gCúirt Iníúcháirí, iniúchtaí a dhéanamh ar bhonn seiceálacha ar dhoiciméid agus seiceálacha ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, ar gach conraitheoir agus ar gach fochonraitheoir a fuair cistí de chuid an Aontais faoin Rialachán seo.

Féadfaidh an Oifig Frith-Chalaoise Eorpach (OLAF) seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha a mbaineann maoiniú den sórt sin go díreach nó go hindíreach leo i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ⁽⁴⁾ ón gComhairle ⁽⁵⁾ d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon gníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanfadh difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó cinneadh deontais nó le conradh a bhaineann le maoiniú an Aontais.

Gan dochar don chéad fhomhír agus don dara fhomhír, trí chomhaontuithe idirnáisiúnta le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, trí chomhaontuithe deontais, trí chinntí deontais agus trí chonarthaí a thig ón Rialachán seo a chur i bhfeidhm, cumhachtófar go sainráite don Choimisiún, don Chúirt Iníúcháirí agus do OLAF iniúchtaí agus seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí ar an láthair den sórt sin a dhéanamh.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

⁽³⁾ Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 281, 23.11.1995, lch. 31).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

*Airteagal 33***Faisnéis a chuirfear chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle**

1. Áiritheoidh an Coimisiún cur chun feidhme an Rialacháin seo. Gach bliain, nuair a tíolacfaidh sé an réamh-dhréachtbhuiséad, tíolacfaidh sé tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme chlár Galileo agus chlár EGNOS. Beidh sa tuarascáil sin an fhaisnéis go léir a bhaineann leis na cláir, go háirithe i dtéarmaí na bainistíochta riosca, costas foriomlán, costas oibriúcháin bliantúil, ioncam, sceidil agus feidhmíochta, dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 12(2) agus maidir le feidhmiú na gcomhaontuithe tarmhligin a thugtar i gcrích de bhun Airteagal 14(2) agus 15(1). Áireofar sa tuarascáil:

- (a) forbhreathnú ar leithdháileadh agus úsáid cistí a leithdháileadh ar na cláir mar a thagraítear in Airteagal 7(4);
- (b) faisnéis ar an straitéis bhainistíochta costas arna saothrú ag an gCoimisiún mar a thagraítear in Airteagal 9(6);
- (c) measúnú ar bhainistíocht cearta maoine intleachtúla;
- (d) forbhreathnú ar chur chun feidhme na gcóras agus na dteicnící bainistíochta tionscadal, lena n-áirítear córais agus teicnící bainistíochta riosca, mar a thagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 12(2);
- (e) meastóireacht ar na bearta a rinneadh chun tairbhí socheanamaíocha na gclár a bharrfheabhsú.

2. Déanfaidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas maidir le torthaí eatramhacha agus torthaí deiridh na meastóireachta a dhéanfar ar thairiscintí soláthair agus ar chonarthaí le heintitis san earnáil phríobháideach a rinne an Ghníomhaireacht Eorpach GNSS agus GES de bhun Airteagal 14(7) agus Airteagal 15(3) faoi seach.

Cuirfidh sé in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle freisin:

- (a) maidir le haon ath-leithdháileadh cistí idir catagóirí caiteachais a dhéantar de bhun Airteagal 9(3);
- (b) maidir le haon tionchar ar chlár Galileo agus ar chlár EGNOS a eascraíonn ó chur i bhfeidhm Airteagal 8(2).

*Airteagal 34***Athbhreithniú ar chur cun feidhme an Rialacháin seo**

1. Faoin 30 Meitheamh 2017, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, d'fhonn cinneadh a ghlacadh maidir leis na bearta arna

ndéanamh de bhun an Rialacháin seo a athnuachan, a mhodhnú nó a chur ar fionraí, ar bearta iad a bhaineann le:

- (a) cuspóirí na mbeart sin a bhaint amach, i dtéarmaí torthaí agus tionchar araon;
- (b) héifeachtacht úsáid acmhainní;
- (c) breisluach Eorpach.

Sa mheastóireacht tabharfar aghaidh freisin ar fhorbairtí teicneolaíochta a bhaineann leis na córais, ar an scóip atá ann do shimpliú, ar a comhsheasmhacht inmheánach agus sheachtrach, ar ábharthacht na gcuspóirí ar fad, chomh maith leis an méid a chuireann na bearta le tosaíochtaí an Aontais i dtéarmaí fáis chliste, inbhuanaithe agus uilechuimsithigh. Cuirfear san áireamh inti torthaí na meastóireachta maidir le tionchar fadtéarmach na mbeart roimhe sin.

2. Cuirfear san áireamh sa mheastóireacht an dul chun cinn atá déanta maidir le cuspóirí sonracha chlár Galileo agus chlár EGNOS a leagtar síos in Airteagal 2(4) agus (5) faoi seach, ar bhonn táscairí feidhmíochta mar shampla:

- (a) i gcomhair Galileo agus maidir leis an méid seo a leanas:

- (i) imlonnú a bhonneagair:

— líon agus infhaighteacht a satailítí oibríochtúla, agus líon na satailítí breise ar talamh atá ar fáil i gcoinne líon na satailítí atá beartaithe dá dtagraítear sa chomhaontú tarmhligin;

— infhaighteacht iarbhír eilimintí an bhonneagair ar talamh (ar nós stáisiún talún, lárionad rialaithe) i gcoinne infhaighteachta pleanáilte;

- (ii) leibhéal seirbhíse:

— mapa infhaighteachta seirbhíse i gcoinne doiciméid sainmhínte seirbhíse

- (iii) costas:

— innéacs feidhmíochta costais in aghaidh na míre mórchoistais den chlár bunaithe ar chóimheas lena gcuirtear costas iarbhír i gcomparáid le costas buiséadaithe;

- (iv) sceideal:

— innéacs feidhmíochta sceidil in aghaidh mhórmhír an chláir bunaithe ar chostas buiséadaithe na hoibre a rinneadh a chur i gcomparáid le costas buiséadaithe na hoibre sceidealaithe.

(v) leibhéal margaidh:

- treocht margaidh bunaithe ar an gcéatadán de ghlacadóirí Galileo agus de ghlacadóirí EGNOS i líon iomlán na samhlacha glacadóirí a áirítear sa tuarascáil margaidh a chuireann an Ghníomhairacht Eorpach GNSS ar fáil dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 14(1).

(b) i gcomhair EGNOS agus maidir le:

(i) síneadh a chumhdaigh:

- dul chun cinn an tsínidh chumhdaigh i gcoinne plean comhaontaithe sínidh chumhdaigh;

(ii) leibhéal seirbhíse:

- innéacs infhaighteachta seirbhíse bunaithe ar líon na n-aerfort a bhfuil nósanna imeachta ascnaimh acu atá bunaithe ar EGNOS agus a bhfuil stádas oibríochtúil acu i gcoinne líon iomlán na n-aerfort a bhfuil nósanna imeachta ascnaimh acu atá bunaithe ar EGNOS;

(iii) costas:

- innéacs feidhmíochta costais bunaithe ar chóimheas lena gcuirtear costas iarbhír i gcomparáid le costas buiséadaithe;

(iv) sceideal:

- innéacs feidhmíochta sceidil bunaithe ar chostas buiséadaithe na hoibre a rinneadh a chur i gcomparáid le costas buiséadaithe na hoibre sceidealaithe.

3. Déanfaidh na comhlachtaí a bhfuil baint acu le cur chun feidhme an Rialacháin seo na sonraí agus an fhaisnéis is gá chun go bhféadfar faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí lena mbaineann a sholáthar don Choimisiún.

CAIBIDIL VII

TARMLIGEAN AGUS BEARTA CUR CHUN FEIDHME

Airteagal 35

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Tabharfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, dá dtagraítear in Airteagal 13(2), don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ón 1 Eanáir 2014.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 13(2) a chúlghairm tráth ar bith. Cuirfidh an cinneadh maidir le chúlghairm deireadh le tarmligean na cumhachta a shonrófar sa chinneadh sin. Beidh éifeacht aige an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht na ngníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 14(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 36

Nós imeachta Coiste

1. Tabharfaidh Coiste cúnaimh don Choimisiún. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa Choiste sin.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. Glacfaidh ionadaithe na Gníomhaireachta Eorpaí GNSS agus GES páirt mar bhreathnóirí in obair an Choiste faoi na coinníollacha a leagtar síos ina rialacha nós imeachta.

5. Féadfar foráil a dhéanamh le comhaontuithe idirnáisiúnta a thabharfaidh an tAontas i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 29, de réir mar is iomchuí, do rannpháirtíocht ionadaithe tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta in obair an Choiste faoi na coinníollacha a leagtar síos ina rialacha nós imeachta.

6. Tiocfaidh an Coiste le chéile go tráthrialta, de rogha ar cheithre huair sa bhliain, ar bhonn ráithiúil. Soláthróidh an Coimisiún tuarascáil maidir le dul chun cinn na gclár ag gach cruinniú. Beidh forbhreathnú ginearálta sna tuarascálacha sin maidir le stádas agus le forbairtí na gclár, go háirithe i dtéarmaí bainistíochta riosca, costais, sceidil agus feidhmíochta. Uair amháin in aghaidh na bliana, ar a laghad, áireofar sna tuarascálacha sin na táscairí feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

CAIBIDIL VIII

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA*Airteagal 37***Aisghairmeacha**

1. Déanfar Rialachán (CE) Uimh. 876/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 683/2008 a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.

2. Aon bheart a rinneadh ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 876/2002 nó Rialachán (CE) Uimh. 683/2008, leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige.

3. Déanfar tagairtí do Rialachán (CE) Uimh 683/2008, arna aisghairm, a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil arna leagan amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

*Airteagal 38***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 11 Nollaig 2013.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
V. LEŠKEVIČIUS

IARSCRÍBHINN

TÁBLA COMHGHAOIL

Rialachán (CE) Uimh. 683/2008	An Rialachán seo
Airteagal 1	Airteagal 2
Airteagal 2	Airteagal 1
Airteagal 3	Airteagal 3
Airteagal 4	Airteagal 8
Airteagal 5	Airteagal 4
Airteagal 6	Airteagal 8
Airteagal 7	Airteagal 5
Airteagal 8	Airteagal 6
Airteagal 9	Airteagal 7
Airteagal 10	Airteagal 9
Airteagal 11	Airteagal 10
Airteagal 12(1)	Airteagal 11
Airteagal 12(2) agus (3)	Airteagal 12
Airteagal 13(1), (2) agus (3)	Airteagal 13
Airteagal 13(4)	Airteagal 16
Airteagal 14	Airteagal 17
Airteagal 15	Airteagal 27
Airteagal 16	Airteagal 14
Airteagal 17	Airteagal 18 go hAirteagal 26
Airteagal 18	Airteagal 15
Airteagal 19(1) go (4)	Airteagal 36
Airteagal 19(5)	Airteagal 35
Airteagal 20	Airteagal 31
Airteagal 21	Airteagal 32
Airteagal 22	Airteagal 33
Airteagal 23	
Airteagal 24	Airteagal 38
Iarscríbhinn	Airteagal 1

Dearbhú comhpháirteach**ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le PAINÉAL IDIRINSTITIÚIDEACH GALILEO (GIP)**

1. Ag féachaint do thábhacht, d'uathúlacht agus do chastacht na gclár Eorpach GNSS, d'úinéireacht Aontais na gcóras a leanann ó na cláir, do mhaoiniú iomlán na gclár ag buiséad an Aontais don tréimhse 2014-2020, aithníonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach an gá atá le dlúthchomhar idir na trí institiúid.
 2. Tiocfaidh Painéal Idirinstitiúideach Galileo (GIP) le chéile agus é mar aidhm aige a éascú do gach institiúid de chuid an Chomhphobail a freagracht faoi seach a fheidhmiú. Chuige sin, bunófar an GIP chun na nithe seo a leanas a leanúint go dlúth:
 - (a) an dul chun cinn i dtaca le cur chun feidhme na gclár Eorpach GNSS, go háirithe maidir le cur chun feidhme comhaontuithe fála agus conartha, go háirithe maidir leis an GES;
 - (b) na Comhaontuithe Idirnáisiúnta le tríú tíortha gan dochar d'fhorálacha Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;
 - (c) ullmhú na margáí loingseoireachta satailíte;
 - (d) éifeachtúlacht na socruithe rialachais; agus
 - (e) athbhreithniú bliantúil ar an gclár oibre.
 3. I gcomhréir leis na rialacha atá ann cheana, urramóidh an GIP an gá atá le discréd, go háirithe ag féachaint do rúndacht tráchtála agus d'íogaireacht sonraí áirithe.
 4. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh na tuairimí a nochtfaidh an GIP.
 5. Beidh an GIP comhdhéanta de sheachtar ionadaithe, mar atá:
 - triúr ón gComhairle,
 - triúr ó Pharlaimint na hEorpa,
 - ionadaí amháin ón gCoimisiún,agus tiocfaidh sé le chéile go rialta (i bprionsabal ceithre huair sa bhliain).
 6. Ní dhéanfaidh an GIP difear do na freagrachtaí bunaithe nó do na caidrimh idirinstiúideacha.
-

**RIALACHÁN (AE) Uimh. 1286/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 11 Nollaig 2013**

lena mbunaítear clár gníomhaíochta chun feabhas a chur ar oibriú na gcóras cánachais san Aontas Eorpach don tréimhse 2014–2020 (Fiscalis 2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1482/2007/CE

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 agus Airteagal 197 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Chuir an clár gníomhaíochta ilbhliantúil um chánachas a bhí i bhfeidhm roimh 2014 go suntasach le héascú agus le feabhsú comhair idir údaráis chánach laistigh den Aontas agus tá feabhas mór curtha aige ar an gcomhar sin. D'aithin riaracháin chánach na dtíortha rannpháirteacha breisluch an chláir sin lena n-áirítear cosaint leasanna airgeadais na mBallstát, an Aontais agus na gcáiníocóirí. Ní féidir dul i ngleic leis na dúshláin atá aitheanta don deich mbliana amach anseo mura mbreathnaíonn na Ballstáit níos faide ná teorainneacha a gcríoch riaracháin féin nó mura dtéann siad i ndlúthchomhar lena gcontrapháirtithe. Le clár Fiscalis, arna chur chun feidhme ag an gCoimisiún i gcomhar leis na tíortha rannpháirteacha, cuirtear creat Aontais ar fáil do na Ballstáit ina féidir na gníomhaíochtaí comhair sin a fhorbairt, agus atá níos costéifeachtaí ná gach Ballstát a bheith ag bunú creatáí comhair aonair ar bhonn déthaobhach nó ilthaobhach. Is iomchuí a áirithiú, dá bhrí sin, go leanfar den clár seo trí chlár nua a bhunú sa réimse céanna.
- (2) Tá an clár a bunaíodh faoin Rialachán seo, "Fiscalis 2020", agus a rath ríthábhachtach sa staid eacnamaíoch reatha agus ba cheart dó comhar i gcúrsaí fioscacha a thacú.
- (3) Táthar ag súil leis go rannchuideoidh na gníomhaíochtaí faoi Fiscalis 2020, eadhon na córais Eorpacha faisnéise mar a shainítear sa Rialachán seo (Córais Eorpacha Faisnéise), na gníomhaíochtaí comhpháirteacha d'oifigigh údarás cánach agus na comhthionscnaimh oiliúna, le réadú na Straitéise Eoraip 2020 i leith fáis chliste, inbhuanaithe agus chuimsithigh trí fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a neartú, trí chreat a chur ar fáil chun tacú le gníomhaíochtaí lena bhfeabhsaítear cumas riaracháin na n-údarás cánach agus dul chun cinn teicniúil agus nuálaíocht theicniúil a chur ar

aghaidh. Agus creat á chur ar fáil do ghníomhaíochtaí lena ndéantar iarracht údaráis chánach níos éifeachtúla a bheith ann, lena neartaítear iomaíochas gnóthaí, lena gcuirtear chun cinn fostaíocht agus lena gcuirtear le leasanna airgeadais agus eacnamaíoch na mBallstát an Aontais agus na gcáiníocóirí a chosaint, déanfaidh Fiscalis 2020 feidhmiú na gcóras cánachais sa mhargadh inmheánach a neartú ar bhealach gníomhach, agus ag an am céanna cuirfead leis na bacainní agus na saofa atá sa mhargadh inmheánach cheana a dhíothú de réir a chéile.

- (4) Ba cheart raon feidhme Fiscalis 2020 a thabhairt i gcomhréir leis na riachtanais reatha atá ann ionas go ndíreodh sé ar na cánacha uile a chomhchuihbítear ar leibhéal an Aontais agus ar chánacha eile a mhéid a bhaineann siad leis an margadh inmheánach agus le comhar riaracháin idir na Ballstáit.
- (5) D'fhonn tacú le próiseas aontachais agus comhlachais a éascú do thríú tíortha, ba cheart go mbeadh Fiscalis 2020 oscailte do thíortha aontacha agus tíortha is iarrthóirí agus do thíortha is iarrthóirí ionchasacha agus tíortha comhpháirtíochta de Bheartas Comharsanachta na hEorpa má chomhlíontar coinníollacha áirithe agus mura dtacaíonn rannpháirtíocht na dtíortha sin ach leis na gníomhaíochtaí faoi Fiscalis 2020, ar gníomhaíochtaí iad arb é an cuspóir atá leo comhrac a dhéanamh i gcoinne calaoise cánach agus imghabhála cánach, agus aghaidh a thabhairt ar phleanáil ionsaitheach chánach. Os rud é go bhfuil codanna éagsúla den gheilleagar domhanda ag éirí níos idirnasctha, ba cheart go leanfar le Fiscalis 2020 d'fhoráil a dhéanamh maidir le cuireadh a thabhairt do shaineolaithe gníomhaíochtaí faoi Fiscalis 2020 a fheabhsú. Níor cheart a iarraidh ar shaineolaithe seachtracha, amhail ionadaithe d'údaráis rialtasacha, oibreoirí eacnamaíoch agus a n-eagraíochtaí nó ionadaithe eagraíochtaí idirnáisiúnta a bheith páirteach ach amháin má mheastar go bhfuil a rannchuidiú riachtanach chun cuspóirí Fiscalis 2020 a bhaint amach.
- (6) Cuirtear san áireamh i gculpóirí agus tosaíochtaí Fiscalis 2020 na fadhbanna agus na dúshláin atá sainaitheanta don chánachas sna deich mbliana amach romhainn. Ba cheart go mbeadh ról i gcónaí ag Fiscalis 2020 i réimsí tábhachtacha amhail dlí an Aontais a chur chun feidhme go comhleanúnach i réimse an chánachais, chun malartú faisnéise a áirithiú, comhar riarachán a thacú agus inniúlacht riaracháin na n-údarás cánach a fheabhsú. I bhfianaise na gcineálacha fadhbanna a bhaineann leis na dúshláin nua a sainaitníodh, ba cheart béim bhreise a chur ar thacú leis an gcomhrac i gcoinne calaoise cánach, imghabhála cánach agus pleanála ionsaithe cánach. Ba cheart go gcuirfí béim freisin ar an ualach riaracháin a laghdú d'údaráis chánach agus ar na costais chomhlíonta a laghdú do cháiníocóirí agus ar chásanna cánachais dhúbailte a chosc.

⁽¹⁾ IO C 143, 22.5.2012, lch. 48 agus IO C 11, 15.1.2013, lch 84.

- (7) Ar an leibhéal oibríochtuil, ba cheart do Fiscalis 2020 Córais Eorpacha Faisnéise agus gníomhaíochtaí comhair riaracháin a chur chun feidhme, a oibriú agus a thacú, ba cheart dó scileanna agus inniúlachtaí na n-oifigeach cánach a threisiú, tuiscint agus cur chun feidhme dhli an Aontais maidir le réimse an chánachais a thacú agus feabhsú nósanna imeachta riaracháin agus roinnt agus scaipeadh dea-chleachtas riaracháin a éascú. Ba cheart go ndéanfaí na cuspóirí sin a shaothrú agus béim á cur ar thacú leis an gcomhrac i gcoinne calaoise cánach, imghabhála cánach agus pleanála ionsaithí cánach.
- (8) Ba cheart uirlisí an chláir a bhí infheidhme roimh Fiscalis 2020 a fhorlíonadh má táthar chun freagairt go cuí do na dúshláin a bheidh os comhair na n-údarás cánach amach as seo go ceann deich mbliana agus má táthar chun fanacht ar aon dul le forbairtí i ndlí an Aontais. Ba cheart do Fiscalis 2020 na nithe seo a leanas a chumhdach: rialuithe déthaobhacha nó iltaobhacha agus cineálacha eile comhair riaracháin mar a bhunaítear i ndlí ábhartha an Aontais maidir le comhar riaracháin; foirne saineolaithe; gníomhaíochtaí chun acmhainn riaracháin phoiblí a fhorbairt lena gcuirfear oiliúint shonrach speisialaithe ar fáil i réimse an chánachais do na Ballstáit sin ina bhfuil cúinsí eisceachtúla ar leith a thugann údar do ghníomhaíochtaí spriocdhírthe den sórt sin; agus i gcás inarb iomchuí, staidéir agus comhghníomhaíochtaí cumarsáide chun tacú le dlí an Aontais i réimse an chánachais a chur chun feidhme.
- (9) Tá ról sár-riachtanach ag na Córais Eorpacha Faisnéise ó thaobh údarais chánach a idirnascadh agus leis sin ó thaobh na córais chánachais laistigh den Aontas a neartú agus ba cheart, dá bhrí sin, leanúint de bheith á maoiniú agus á bhfeabhsú faoi Fiscalis 2020. Ina theannta sin, ba cheart go bhféadfaí córais faisnéise nua a bhaineann le cúrsaí cánach agus a bhunaítear faoi dhli an Aontais a chur le Fiscalis 2020. Ba cheart Córais Eorpacha Faisnéise, nuair is iomchuí, a bheith bunaithe ar shamhlacha forbraíochta comhroinnte agus ar struchtúir chomhroinnte TF.
- (10) I gcomhthéacs feabhas a chur ar chomhar riaracháin i gcoitinne agus an comhrac i gcoinne calaoise cánach, imghabhála cánach agus pleanála ionsaithí cánach a thacú, d'fhéadfadh sé go bhfóndadh sé don Aontas comhaontuithe a chur i gcrích le tríú tíortha, ionas go bhféadfadh na tíortha sin leas a bhaint as comhpháirteanna an Aontais de na Córais Eorpacha Faisnéise chun tacú le malartú slán faisnéise idir iad féin agus na Ballstát faoi chuimsiú na gcomhaontuithe déthaobhacha cánach.
- (11) Ba cheart comhghníomhaíochtaí oiliúna a chur i gcrích freisin faoi Fiscalis 2020. Ba cheart do Fiscalis 2020 tacú i gcónaí le tíortha rannpháirteacha scileanna gairmiúla agus eolas a bhaineann le cúrsaí cánachais a threisiú trí ábhar feabhsaithe oiliúna a forbraíodh go comhpháirteach, a bheidh dírithe ar oifigigh chánach agus ar oibreoirí eacnamaíocha. Chun na críche sin, ba cheart clár tacaíochta ilghnéitheach i leith oiliúna don Aontas a fhorbairt as comhchur chuige reatha oiliúna Fiscalis 2020, ar comhchur chuige é a bhí bunaithe den chuid is mó ar ríomhfhoghlaim lárnach a fhorbairt.
- (12) Ba cheart do Fiscalis 2020 tréimhse seacht mbliana a chumhdach chun go mbeidh a fhad ag teacht le fad an chreata airgeadais ilbhliantúil a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle ⁽¹⁾.
- (13) Leagan an Rialachán seo síos clúdach airgeadais ó thús deireadh Fiscalis 2020 a bheidh ina mhéid príomhthagartha, de réir bhrí Phointe 17 den Chomhaontú Idirinstiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar i gcúrsaí buiséid agus maidir le bainistíocht fhóna airgeadais ⁽²⁾, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.
- (14) I gcomhréir le gealltanais an Choimisiúin, a leagtar amach ina Theachtaireacht maidir le hAthbhreithniú Buiséid 2010, chun clár mhaoiniúcháin a dhéanamh níos comhleánúnaí agus níos simplí, ba cheart acmhainní a roinnt le hionstraimí eile maoiniúcháin de chuid an Aontais más rud é go saothraíonn na gníomhaíochtaí a bheartaítear faoi Fiscalis 2020 cuspóirí is coiteann d'ionstraimí maoiniúcháin éagsúla, gan mhaoiniú dúbailte a chur san áireamh, áfach.
- (15) Ba cheart na bearta is gá chun gnéithe airgeadais an Rialacháin seo a chur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, agus i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1268/2012 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾.
- (16) Ba cheart gurb ar thíortha rannpháirteacha a thitfidh costas eilimintí náisiúnta Fiscalis 2020 lena n-áireofaí, inter alia, comhpháirteanna nach comhpháirteanna de chuid an Aontais iad sna Córais Eorpacha Faisnéise, agus aon oiliúint eile nach cuid de chomhthionscnaimh oiliúna í.
- (17) Agus a thábhachtaí atá rannpháirtíocht iomlán na dtíortha rannpháirteacha sna gníomhaíochtaí comhpháirteacha á cur san áireamh, d'fhéadfadh ráta cómhaoinithe de 100 % de na costais incháilithe i ndáil le costais taistil agus chóiríochta a bheith ann i gcás inar gá sin chun cuspóirí Fiscalis 2020 a bhaint amach ina n-iomláine, ar costais iad atá nasctha le heagrú imeachtaí agus liúntas laethúil.

⁽¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse 2014-2020 (Féach leathanach 884 den Iris Oifigiúil seo).

⁽²⁾ IO C 37, 20.12.2013, lch. 1.

⁽³⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1268/2012 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha i dtaca le cur chun feidhme Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme do bhuiséad ginearálta an Aontais (IO L 362, 31.12.2012, lch. 1).

- (18) Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha ar feadh an timhrialla caiteachais, lena n-áirítear neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, nuair is iomchuí, pionóis a chur i bhfeidhm.
- (19) Chun a áirithiú go mbeidh coinníollacha aonfhoirmeacha ann chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil le cláir oibre bhliantúla a bhunú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.
- (20) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon clár ilbhliantúil a bhunú chun feabhas a chur ar oibriú na gcóras cánachais sa mhargadh inmheánach, a bhaint amach go leordhóthanach toisc nach féidir leo an comhar agus an comhordú is gá a dhéanamh go héifeachtúil chun an cuspóir sin a bhaint amach, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin é, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.
- (21) Ba cheart do Choiste Fiscalis 2020 cúnaimh a thabhairt don Choimisiún chun Fiscalis 2020 a chur chun feidhme.
- (22) Chun an mheastóireacht ar Fiscalis 2020 a éascú, ba cheart go mbunófaí creat iomchuí chun faireachán a dhéanamh ar na torthaí a baineadh amach le Fiscalis 2020 ón tús. Ba cheart don Choimisiún, in éineacht le tíortha rannpháirteacha, táscairí inathraithe a bhunú agus bunlínte réamh-shainmhínte a shocrú chun faireachán a dhéanamh ar thorthaí na gníomhaíochtaí faoi Fiscalis 2020. Ba cheart go ndéanfaí meastóireacht mheántearma ar bhaint amach chuspóirí Fiscalis 2020, ar a éifeachtúlacht agus a bhreisluach ar an leibhéal Eorpach. Sa bhreis air sin, ba cheart go ndéileálfai le tionchar fadtéarmach agus le héifeachtaí inbhuanaitheachta Fiscalis 2020 i meastóireacht chríochnaitheach. Ba cheart go n-áiritheofaí trédhearcacht iomlán le tuairisciú rialta maidir le faireachán agus le tuarascálacha meastóireachta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.
- (23) Le Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, rialaítear próiseáil na sonraí pearsanta a dhéanfar sna Ballstáit i gcomhthéacs an Rialacháin seo agus faoi mhaoirseacht údaráis inniúla na mBallstát, go háirithe na húdaráis phoiblí neamhspleáchacha arna n-ainmniú ag na Ballstáit. Le Rialachán (CE)

Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, rialaítear an phróiseáil ar shonraí pearsanta a dhéanann an Coimisiún faoi chuimsiú an Rialacháin seo agus faoi mhaoirseacht an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí. Ba cheart go mbeadh aon mhalartú nó tarchur faisnéise a dhéanann na húdaráis inniúla de réir na rialacha maidir le haistriú sonraí pearsanta mar a leagtar síos i dTreoir 95/46/CE agus ba cheart aon mhalartú nó tarchur faisnéise a dhéanann an Coimisiún a bheith de réir na rialacha ar aistriú sonraí pearsanta mar a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.

- (24) Cuirtear an Rialachán seo in ionad Chinneadh Uimh. 1482/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾. Ba cheart, dá bhrí sin, an Cinneadh sin a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta

Airteagal 1

Ábhar

1. Bunaítear clár gníomhaíochta ilbhliantúil "Fiscalis 2020" ("an clár") leis seo chun feabhas a chur ar oibriú na gcóras cánachais sa mhargadh inmheánach agus chun tacú le comhar i ndáil leis sin.
2. Cumhdóidh an clár an tréimhse idir an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2020.

Airteagal 2

Sainmhínte

Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn "údaráis chánach" na húdaráis phoiblí agus na comhlachtaí eile sna tíortha rannpháirteacha atá freagrach as cánachas a riar nó as gníomhaíochtaí a bhaineann le cáin.
- (2) ciallaíonn "saineolaithe seachtracha":
 - (a) ionadaithe de chuid údarás rialtasach, lena n-áirítear na hionadaithe sin ó thíortha nach bhfuil rannpháirteach sa chláir de bhun Airteagal 3(2);
 - (b) oibreoirí eacnamaíochta agus eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar oibreoirí eacnamaíochta;
 - (c) ionadaithe de chuid eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí ábhartha eile;

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

⁽²⁾ Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 281, 23.11.1995, lch. 31).

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil leis an bpróiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

⁽⁴⁾ Cinneadh Uimh. 1482/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2007 lena mbunaítear clár Comhphobail chun feabhas a chur ar oibriú na gcóras cánachais sa mhargadh inmheánach (Fiscalis 2013) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2235/2002/CE (IO L 330, 15.12.2007, lch. 1).

- (3) ciallaíonn "cánachas" an méid seo a leanas:
- (a) cáin bhreisluacha dá bhforáiltear i dTreoir 2006/112/CE ón gComhairle ⁽¹⁾;
 - (b) dleachtanna máil ar alcól dá bhforáiltear i dTreoir 92/83/CEE ón gComhairle ⁽²⁾;
 - (c) dleachtanna máil ar tháirgí tobac dá bhforáiltear i dTreoir 2011/64/AE ón gComhairle ⁽³⁾;
 - (d) cánacha ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas dá bhforáiltear i dTreoir 2003/96/CE ón gComhairle ⁽⁴⁾.
 - (e) cánacha eile a thagann faoi raon feidhme Airteagal 2(1)(a) de Threoir 2010/24/AE ón gComhairle ⁽⁵⁾ a mhéid a bhaineann siad leis an margadh inmheánach agus le comhar riaracháin idir na Ballstáit;
- (4) ciallaíonn "rialuithe déthaobhacha nó iltaobhacha" an tseiceáil chomhordaithe ar dhliteanas cánach duine inchánach amháin nó níos mó lena mbaineann, a eagraíonn dhá thír rannpháirteacha nó níos mó a bhfuil comhleasanna nó leasanna comhlántacha acu, agus a mbeidh ar a laghad dhá Bhallstát ina measc.

Airteagal 3

Rannpháirtíocht sa chlár

1. Is na Ballstáit agus na tíortha dá dtagraítear i mír 2 na tíortha rannpháirteacha, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach sa mhír sin.
2. Féadfaidh aon cheann de na tíortha seo a leanas a bheith rannpháirteach sa chlár:
 - (a) tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha atá ag tairbhiú de straitéis réamhaontachais, i gcomhréir leis na príonsabail ghinearálta agus leis na téarmaí agus coinníollacha ginearálta maidir le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gclár de chuid an Aontais arna mbunú sna creat-chomhaontuithe lena mbaineann, sna cinntí lena mbaineann ó Chomhairle Chomhlachais nó i gcomhaontuithe eile comhchosúla.
 - (b) tíortha comhpháirtíochta de Bheartas Comharsanachta na hEorpa, ar choinníoll go bhfuil leibhéal leordhóthanach comhfhogasaithe bainte amach ag na tíortha sin i dtaca le reachtaíocht agus modhanna riaracháin ábhartha an Aontais.

⁽¹⁾ Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

⁽²⁾ Treoir 92/83/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le struchtúir dhleachtanna máil ar alcól agus deochanna alcólacha a chomhchuihbhiú (IO L 316, 31.10.1992, lch. 21).

⁽³⁾ Treoir 2011/64/AE ón gComhairle an 21 Meitheamh 2011 maidir le struchtúr agus rátaí na ndleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac monaraithe (IO L 176, 5.7.2011, lch. 24).

⁽⁴⁾ Treoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 ag athstruchtúrú an chreata Comhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus leictreachas (IO L 283, 31.10.2003, lch. 51).

⁽⁵⁾ Treoir 2010/24/AE an 16 Márta 2010 ón gComhairle maidir le cúnaimh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le cánacha, dleachtanna agus bearta eile a ghnóthú. (IO L 84, 31.3.2010, lch. 1).

Beidh na tíortha comhpháirtíochta dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír rannpháirteach sa chlár i gcomhréir leis na forálacha a chinnfear leis na tíortha sin tar éis creat-chomhaontuithe a bhunú maidir lena rannpháirtíocht i gclár de chuid an Aontais. Le rannpháirtíocht na dtíortha sin, ní thacófar ach le gníomhaíochtaí faoin gclár ar gníomhachtaí iad arb é an cuspóir atá leo calaois chánach agus imghabháil chánach a chomhrac agus aghaidh a thabhairt ar pheanáil ionsaitheach chánach.

Airteagal 4

Rannpháirtíocht i gníomhaíochtaí faoin gclár

Féadfar cuireadh a thabhairt do shaineolaithe seachtracha rannchuidiú le gníomhaíochtaí áirithe a réachtálfar faoin gclár aon uair atá sé sin riachtanach chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 5 agus in Airteagal 6 a bhaint amach. Roghnóidh an Coimisiún, in éineacht leis na tíortha rannpháirteacha, na saineolaithe seachtracha bunaithe ar na scileanna, an taithí agus an fhaisnéis atá acu atá ábhartha maidir leis na gníomhaíochtaí sonracha, agus aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann á cur san áireamh, agus cothromaíocht idir ionadaithe gnó agus saineolaithe eile na sochaí sibhialta á dearbhú. Foilsítear liosta saineolaithe seachtracha roghnaithe agus déantar é a nuashonrú go rialta.

Airteagal 5

An cuspóir foriomlán agus an cuspóir sonrach

1. Is é an cuspóir foriomlán a bheidh ag an gclár ná feabhas a chur ar fheidhmiú cuí na gcóras cánachas sa mhargadh inmheánach tríd an gcomhar idir tíortha rannpháirteacha, a n-údaráis chánach agus a n-oifigigh a fheabhsú.
2. Is é an cuspóir sonrach a bheidh ag an gclár ná tacú leis an gcomhrac i gcoinne calaoise chánach, imghabhála cánach agus pleanála ionsaithe cánach agus dlí an Aontais a chur chun feidhme i réimse an chánachais trí mhalartú faisnéise a áirithiú, trí thacú le comhar riaracháin agus, i gcás inar gá agus inarb iomchuí, trí inniúlacht riaracháin na dtíortha rannpháirteacha a fheabhsú, d'fhonn cuidiú leis an ualach riaracháin ar na húdaráis chánach agus costais chomhlíonta do cháiniócoirí a laghdú.
3. Tomhaisfear a mhéid a mbainfear na cuspóirí dá dtagraítear san Airteagal seo, go háirithe, ar bhonn an méid seo a leanas:
 - (a) infhaighteacht an chomhlíonra cumarsáide le haghaidh na gCóras Eorpach Faisnéise agus rochtain iomlán air;
 - (b) an t-aiseolas ó thíortha rannpháirteacha maidir le torthaí na gníomhaíochtaí faoin gclár.

Airteagal 6

Cuspóirí oibríochtúla agus tosaíochtaí an chlár

1. Is iad seo a leanas a bheidh mar chuspóirí oibríochtúla agus tosaíochtaí an chlár:
 - (a) na Córais Eorpacha Faisnéise le haghaidh cánachais a chur chun feidhme, a fheabhsú, a oibriú agus tacú leis na córais sin;
 - (b) tacú leis na gníomhaíochtaí a bhaineann le comhar riaracháin;
 - (c) scileanna agus inniúlachtaí oifigeach cánach a atreisiú;

- (d) tuiscint agus cur chun feidhme dhlí an Aontais maidir le réimse an chánachais a fheabhsú;
- (e) tacú le feabhas a chur ar nósanna imeachta riaracháin agus roinnt dea-chleachtas riaracháin.

2. Déanfar na cuspóirí agus na tosaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 a shaothrú agus béim ar leith á cur ar thacú leis an gcomhrac i gcoinne calaoise cánach, imghabhála cánach agus pleanála ionsaithí cánach.

CAIBIDIL II

Gníomhaíochtaí incháilithe

Airteagal 7

Gníomhaíochtaí incháilithe

1. Soláthróidh an clár, faoi na coinníollacha a leagtar amach sa chlár oibre bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 14, tacaíocht airgeadais don méid seo a leanas:

- (a) gníomhaíochtaí comhpháirteacha:
- (i) seimineáir agus ceardlanna;
 - (ii) grúpaí tionscadal, comhdhéanta go ginearálta de líon teoranta tíortha, a bheidh ag oibriú ar feadh tréimhse teoranta ama chun cuspóir réamhshainithe, a bhfuil toradh mionsainithe ag gabháil leis, a shaothrú;
 - (iii) rialuithe déthaobhacha nó iltaobhacha agus gníomhaíochtaí eile dá bhforáiltear i ndlí an Aontais maidir le comhar riaracháin, a eagraíonn dhá thír rannpháirteacha nó níos mó, lena n-áirítear dhá Bhallstát ar a laghad.
 - (iv) turais oibre arna reáchtáil ag na tíortha rannpháirteacha nó ag tír eile chun cur ar a gcumas d'oifigigh a gcuid saineolais nó tuisceana ar chúrsaí cánach a fháil, nó chun an saineolas nó an tuiscint sin a leathnú;
 - (v) foirne saineolaithe, eadhon foirmeacha struchtúrtha comhair, de chineál neamhbhuan, a chomhthiomsaíonn a gcuid saineolais chun tascanna a chur i gcrích i réimsí sonracha, go háirithe sna Córais Eorpacha Faisnéise, agus a bhfuil, b'fhéidir, seirbhísí comhoibrithe ar líne, cúnaimh riaracháin agus saoráidí bonneagair agus trealaimh mar thacaíocht leo;
 - (vi) forbairt ar acmhainní riarachán poiblí agus gníomhaíochtaí chun tacú leis sin;
 - (vii) staidéir;
 - (viii) tionscail chumarsáide;
 - (ix) aon ghníomhaíocht eile a thacaíonn leis na cuspóirí foriomlána, sonracha agus oibríochtúla agus leis na tosaíochtaí a leagtar amach in Airteagal 5 agus in Airteagal 6, ar choinníoll go bhfuil údar cuí leis an ngá le gníomhaíocht eile den chineál sin.
- (b) Córais Eorpacha Faisnéise a thógáil: forbairt, cothabháil, oibriú agus rialú cáilíochta a dhéanamh ar chomhpháirteanna an Aontais de na Córais Eorpacha Faisnéise a leagtar amach i bpointe A den Iarscríbhinn agus ar

Chórais Eorpacha Faisnéise nua arna mbunú faoi dhlí an Aontais, d'fhonn údarais chánach a idirnascaidh go héifeachtúil;

- (c) comhghníomhaíochtaí oiliúna: gníomhaíochtaí oiliúna a forbraíodh go comhpháirteach chun tacú leis na scileanna gairmiúla riachtanacha agus don eolas riachtanach maidir le cúrsaí cánachais.

Ní bheidh na turais oibre dá dtagraítear i bpointe (a)(iv) den chéad fhomhír níos faide ná mí amháin. I gcás turas oibre arna reáchtáil laistigh de thríú tíortha, ní bheidh incháilithe faoin gclár ach costais taistil agus chohaithe (lóistín agus líntas laethúil).

Déanfaidh an Coimisiún na foirne saineolaithe dá dtagraítear i bpointe (a)(iv) den chéad fhomhír a eagrú i gcomhar le tíortha rannpháirteacha. agus ní bheidh siad ar bun níos faide na bliain amháin, mura mbeidh údar cuí leis sin.

2. Leithdháilfear na hacmhainní do na gníomhaíochtaí incháilithe dá dtagraítear san Airteagal seo ar bhealach cothrom, agus i gcomhréir le fíor-riachtanais na ngníomhaíochtaí sin.

3. Agus meastóireacht á déanamh ar an gclár, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an ngá le huasteorainneacha buiséadacha a thabhairt isteach do na gníomhaíochtaí incháilithe éagsúla.

Airteagal 8

Forálacha sonracha cur chun feidhme maidir le gníomhaíochtaí comhpháirteacha

1. Is ar bhonn deonach a bheidh rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí comhpháirteacha dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 7(1).

2. Áiríteoidh tíortha rannpháirteacha gur oifigigh a bhfuil an phróifíl iomchuí agus na cáilíochtaí iomchuí acu, lena n-áirítear scileanna teanga, a ainmneofar le bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí comhpháirteacha.

3. Déanfaidh tíortha rannpháirteacha, i gcás inarb iomchuí, na bearta is gá chun cur leis an bhfeasacht faoi na gníomhaíochtaí comhpháirteacha agus lena áirithiú go mbainfear úsáid as na haschuir a ghintear.

Airteagal 9

Forálacha sonracha cur chun feidhme maidir leis na Córais Eorpacha Faisnéise

1. Áiríteoidh an Coimisiún agus na tíortha rannpháirteacha go ndéanfar na córais Eorpacha faisnéise dá dtagraítear i bpointe A den Iarscríbhinn a fhorbairt, a oibriú agus a chothabháil mar is iomchuí.

2. I gcomhar leis na tíortha rannpháirteacha, comhordóidh an Coimisiún na gnéithe sin a bhaineann le bunú agus le feidhmiú na gcomhpháirteanna de chuid an Aontais, agus na gcomhpháirteanna nach comhpháirteanna de chuid an Aontais iad, de na Córais Eorpacha Faisnéise dá dtagraítear i bpointe A den Iarscríbhinn, a bhfuil gá leo d'fhonn a áirithiú go bhfuil siad ag oibriú, go bhfuil siad idirnascaidh agus go mbítear ag cur feabhais orthu go leanúnach.

3. Beidh úsáid chomhpháirteanna an Aontais de na Córais Eorpacha Faisnéise dá dtagraítear i bpointe A den Iarscríbhinn ag tíortha neamh-rannpháirteacha faoi réir comhaontuithe leis na tíortha sin a bheidh le cur i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 10***Forálacha sonracha cur chun feidhme maidir le comhghníomhaíochtaí oiliúna**

1. Is ar bhonn deonach a bheidh rannpháirtíocht i gcomhghníomhaíochtaí oiliúna dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 7(1).
2. Áiríteoidh na tíortha rannpháirteacha gur oifigigh a bhfuil próifíl iomchuí agus cáilíochtaí oiriúnacha acu, lena n-áirítear scileanna teangan, a ainmneofar le bheith rannpháirteach sna comhghníomhaíochtaí oiliúna.
3. Nuair is iomchuí, déanfaidh tíortha rannpháirteacha ábhar oiliúna a forbraíodh go comhpháirteach a chomhtháthú ina gcuid clár oiliúna náisiúnta, lena n-áirítear modúil ríomhfhoghlama, clár oiliúna agus caighdeáin oiliúna ar comhaontaíodh i gcomhpháirt fúthu.

*CAIBIDIL III***Creat airgeadais***Airteagal 11***Creat airgeadais**

1. Is é EUR 223 366 000 i bpragsanna reatha an clúdach airgeadais chun an clár a chur chun feidhme.
2. Sa leithdháileadh airgeadais don chlár féadfar a chumhdach freisin speansais a bhaineann le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, seiceála, iniúchta agus meastóireachta atá de dhíth ar bhonn rialta chun an clár a bhainistiú agus chun a chuspóirí a bhaint amach; go háirithe, staidéir, cruinnithe saineolaithe, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, a bhaineann leis na cuspóirí a leagtar síos sa Rialachán seo, speansais a bhaineann le líonraí TF a dhíríonn ar fhaisnéis a phróiseáil agus a mhalartú, mar aon leis na speansais cúnaimh theicniúil agus riaracháin uile eile arna dtabhú ag an gCoimisiún i mbainistiú an chlár.

Ní rachaidh, de ghnáth, an chuid sin de chostas foriomlán an Chláir a chaitear ar chúrsaí riaracháin thar 5 %.

*Airteagal 12***Cineálacha idirghabhála**

1. Is é an Coimisiún a chuirfidh an clár chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.
2. Beidh tacaíocht airgeadais an Aontais do na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 7 sna foirmeacha seo a leanas:
 - (a) deontais;
 - (b) conarthaí soláthair phoiblí;
 - (c) aisíocaíocht costas arna dtabhú ag na saineolaithe seachtacha dá dtagraítear in Airteagal 4.
3. Is é a bheidh sa ráta cómhaoinithe le haghaidh deontas suas le 100 % de na costais incháilithe i gcás inar costais taistil agus chóiríochta, costais atá nasctha le himeachtaí agus liúntais laethúla iad na costais sin.

Beidh feidhm ag an ráta sin maidir le gach gníomhaíocht incháilithe cé is moite d'fhoirne saineolaithe dá dtagraítear i bpointe (a)(v) den chéad fhomhír d'Airteagal 7(1). Sonrófar sna clár oibre bhliantúla an ráta cómhaoinithe is infheidhme d'fhoirne saineolaithe nuair a éileoidh na gníomhaíochtaí sin go mbronnfar deontais.

4. Déanfar comhpháirteanna an Aontais de na Córais Eorpacha Faisnéise a mhaoiniú ag an gclár. Titfidh na costais a ghabhann le fáil, forbairt, suiteáil, cothabháil agus oibriú laethúil na gcomhpháirteanna neamh-Aontais sna Córais Eorpacha Faisnéise, ar na tíortha rannpháirteacha ach go háirithe.

*Airteagal 13***Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint**

1. Déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí lena n-áirítear, i gcás ina gcuirtear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo chun feidhme, go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha i gcoinne calaoise, éillithe agus aon gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chur i bhfeidhm trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí mhéideanna a íocadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis riaracháin agus airgeadais atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a chur i bhfeidhm.

2. Beidh cumhacht ag an gCoimisiún nó ag a ionadaithe agus ag an gCúirt Iniúcháirí iniúchtaí a dhéanamh, ar bhonn doiciméad agus ar an láthair araon, ar gach tairbhí deontais, ar gach conraitheoir agus ar gach fochonraitheoir a fuair cistí ón Aontais faoin Rialachán seo.

3. Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) cigireachtaí a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, agus i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle ⁽²⁾ d'fhonn a shuí ar raibh calaois, éillíú nó aon gníomhaíocht neamhdhleathach eile ann a dhéanfadh difear do leasanna airgeadais an Aontais i dtaca le comhaontú deontais nó cinneadh deontais nó conradh maidir le maoiniú faoin Rialachán seo.

*CAIBIDIL IV***Cumhachtaí cur chun feidhme***Airteagal 14***Clár oibre**

Chun an clár a chur chun feidhme, glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomharthaí cur chun feidhme, clár oibre bhliantúla, ina leagfar amach na cuspóirí arna saothrú, na torthaí a bhfuiltear ag súil leo, an modh cur chun feidhme agus a méid iomlán. Beidh iontu freisin tuairisc ar na gníomhaíochtaí atá le maoiniú, léiriú ar an tsuim arna leithdháileadh ar gach cineál gníomhaíochta agus tráthchlár táscach cur chun feidhme. Maidir le deontais, áireofar sna clár oibre bhliantúla na tosaíochtaí, na critéir mheastóireachta riachtanacha agus an t-uasráta cómhaoinithe. Beidh na gníomhartha cur chun feidhme sin bunaithe ar na torthaí a fuarthas i mblianta roimhe sin agus glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2).

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 1999 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) (IO L 136, 31.5.1999, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne calaoise agus neamhrialtachtaí eile ((IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

*Airteagal 15***An nós imeachta coiste**

1. Beidh coiste de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina dtagraítear don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*CAIBIDIL V***Faireachán agus meastóireacht***Airteagal 16***Faireachán ar ghníomhaíochtaí faoin gclár**

1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na tíortha rannpháirteacha, faireachán ar an gclár agus ar ghníomhaíochtaí faoin gclár.
2. Bunóidh an Coimisiún agus na tíortha rannpháirteacha táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla agus, i gcás inar gá, cuirfidh siad táscairí nua leo le linn an chláir. Úsáidfean na táscairí chun éifeachtaí an chláir i gcoinne bunlínte réamh-shainmhíniú a thomhas.
3. Cuirfidh an Coimisiún toradh an fhaireacháin dá dtagraítear i mír 1 agus na táscairí dá dtagraítear i mír 2 ar fáil go poiblí.
4. Úsáidfean toradh an fhaireacháin chun an mheastóireacht a dhéanamh ar an gclár i gcomhréir le hAirteagal 17.

*Airteagal 17***Meastóireacht agus athbhreithniú**

1. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta mheántearma agus tuarascáil mheastóireachta chríochnaitheach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis na hábhair dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3. Déanfar torthaí na meastóireachtaí sin a chomhtháthú i gcinntí maidir le hathnuachan, modhnú nó fionraí a d'fheadfaí a dhéanamh ar an gclár i dtréimhsí ina dhiaidh sin Is meastóir seachtrach neamhspleách a dhéanfaidh na meastóireachtaí sin.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 11 Nollaig 2013.

Thar ceann Parlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

2. Déanfaidh an Coimisiún, faoin 30 Meitheamh 2018, tuarascáil mheastóireachta mheántearma a tharraingt suas faoi bhaint amach chuspóirí na ngníomhaíochtaí faoin gclár, faoi éifeachtúlacht úsáid na n-acmhainní agus faoin mbreisluach a bhaineann leis ar an leibhéal Eorpach maidir leis an gclár. Tabharfar aghaidh sa tuarascáil sin freisin ar shimpliú agus ar ábharthacht leanúnach na gcuspóirí, agus ar rannchuidiú an chláir le tosaíochtaí an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach chomh maith.

3. Déanfaidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2021, tuarascáil mheastóireachta chríochnaitheach a tharraingt suas faoi na hábhair dá dtagraítear i mír 2 agus faoin iarmhairt fhadtéarmach agus faoi inbhuanaitheacht éifeachtaí an chláir.

4. Arna iarraidh sin don Choimisiún, tabharfaidh na tíortha rannpháirteacha, na sonraí agus an fhaisnéis uile is ábhartha atá ar fáil dó chun rannchuidiú lena thuarascálacha meántearma agus chríochnaitheacha.

*CAIBIDIL VI***Forálacha críochnaitheacha***Airteagal 18***Aisghairm**

Déantar Cinneadh Uimh. 1482/2007/CE a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.

Mar sin féin, leanfaidh oibleagáidí airgeadais a bhaineann le gníomhaíochtaí arna saothrú faoin gCinneadh sin de bheith faoina réir go dtí go gcuirfean i gcrích iad.

*Airteagal 19***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
V. LEŠKEVIČIUS

IARSCRÍBHINN

CÓRAIS EORPACHA FAISNÉISE AGUS A gCOMHPHÁIRTEANNA AONTAIS

A. Is iad seo a leanas na córais Eorpacha faisnéise:

- (1) an comhlíonra cumarsáide / comhéadan coiteann na gcóras (CCN/CSI – CCN2), CCN mail3, an droichead CSI, an droichead http, CCN LDAP agus uirlisí gaolmhara, tairseach gréasáin CCN, faireachán CCN;
- (2) córais chúltaca, go háirithe an uirlis chumraíochta feidhmchláir do CCN, an uirlis tuairiscithe gníomhaíochta (ART2), bainistíocht leictreonach Taxud na dtionscadal ar líne (TEMPO), uirlis bhainistíochta seirbhíse (SMT), an córas bainistíochta úsáideoirí (UM), córas BPM, an deais infhaighteachta agus AvDB, tairseach do bhainistíocht seirbhíse TF, bainistíocht eolairí agus rochtana úsáideoirí;
- (3) spás faisnéise agus cumarsáide na gClár (PICS);
- (4) na córais a bhaineann le CBL, go háirithe an córas malartaithe faisnéise CBL (VIES) agus an aisíocaíocht CBL, lena n-áirítear feidhmchlár tosaigh VIES, uirlis faireacháin VIES, an córas staidrimh um Chánachas, VIES-ar-líne, uirlis chumraíochta VIES-ar-líne, uirlisí tástála aisíocaíochta VIES agus CBL, algartaim uimhreacha CBL, malartú ríomh-fhoirmeacha CBL, CBL ar ríomh-sheirbhísí(VoeS); uirlis tástála VoeS, uirlis tástála ríomh-fhoirmeacha CBL, mionionad ilfhreastail (MoSS);
- (5) córais a bhaineann le haisghabháil, go háirithe ríomh-fhoirmeacha um aisghabháil éileamh, ríomh-fhoirmeacha um ionstraim aonfhoirmeach lena gceadaítear forghníomhú (UIPE) agus d'fhoirm aonfhoirmeach um fhógra (UNF);
- (6) córais a bhaineann le cánachas díreach, go háirithe cánachas ar chórais choigiltis, uirlis tástála maidir le cánachas ar choigiltis, ríomh-fhoirmeacha um chánachas díreach, uimhir aitheantais chánach TIN-ar-líne, na malartuithe a bhaineann le hAirteagal 8 de Threoir 2011/16/AE ón gComhairle ⁽¹⁾ agus uirlisí tástála bainteacha;
- (7) córais eile a bhaineann le cánachas, go háirithe, an bunachar sonraí 'Cánacha san Eoraip' (TEDB);
- (8) na córais mháil, go háirithe an córas um mhalmartú sonraí máil (SEED), an Córas um Rialú agus um Ghluaiseacht Máil (EMCS), ríomh-fhoirmeacha MVS, feidhmchlár tástála (TA);
- (9) lárchórais eile, go háirithe, córas Cánachais Cumarsáide agus Faisnéise na mBallstát (TIC), an córas tástála féinseirbhíse (SSTS), córas staidrimh a bhaineann le cánachas, an feidhmchlár lárnach um fhoirmeacha gréasáin, an córas seirbhísí lárnacha / faisnéise bainistíochta um Mhál (CS/MISE).

B. Is iad comhpháirteanna Aontais na gCóras Eorpach Faisnéise:

- (1) sócmhainní TF amhail cruá-earraí, bogearraí agus naisc líonra na gcóras, lena n-áirítear an bonneagar sonraí gaolmhar;
- (2) seirbhísí TF is gá chun tacú leis na córais a fhorbairt, a chothabháil, a fheabhsú agus a oibriú; agus
- (3) aon eilimintí eile atá, ar chúiseanna éifeachtúlachta, slándála agus cuíchóirithe, sainaitheanta ag an gCoimisiún mar comheilimintí ag na tíortha rannpháirteacha.

⁽¹⁾ Treoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE (IO L 64, 11.3.2011, lch. 1).

**RIALACHÁN (AE) Uimh. 1287/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 11 Nollaig 2013**

**lena mbunaítear Clár um Iomaíochas na bhFiontar agus na bhfiontar beag agus meánmhéide
(COSME) (2014 - 2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1639/2006/CE**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 173 agus 195 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) I mí an Mhárta 2010 ghlac an Coimisiún Teachtaireacht dar teideal "Eoraip 2020: Straitéis maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uileghabhálach" ("Straitéis Eoraip 2020"). D'fhormhuinigh Comhairle Eorpach mhí an Mheithimh 2010 an Teachtaireacht sin. Freagraíonn an Straitéis Eoraip 2020 don ghéarchéim eacnamaíoch agus tá sé beartaithe aici an tAontas a ullmhú don chéad deich mbliana eile atá romhainn. Leagtar amach cúig chuspóir uailmhianacha inti maidir leis an aeráid agus fuinneamh, fostaíocht, nuálaíocht, oideachas agus cuimsiú sóisialta atá le baint amach faoi 2020 agus sainaitheann inti príomhspreagthaí fais, a bhfuil mar aidhm acu Aontas níos idirghníomhaí agus níos iomaíche a chruthú. Leagtar béim inti freisin ar a thábhachtaí atá sé fás a neartú i ngeilleagar na hEorpa agus leibhéal ard fostaíochta, geilleagar ísealcharbóin atá tíosach ar fhuinneamh agus ar acmhainní agus comhtháthú sóisialta á gcur chun cinn ag an am céanna. Ba cheart go mbeadh ról ríthábhachtach ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) chun cuspóirí Straitéis Eoraip 2020 a bhaint amach. Tá an ról atá acu soiléir ón méid go bhfuil FBManna luaite i sé cinn as seacht de thionscnaimh shuaitheantais Straitéis Eoraip 2020.
- (2) Chun a áirithiú go mbeidh ról lárnach ag fiontair, go háirithe FBManna, i gcur chun cinn fais eacnamaíoch san Aontas, atá ina phríomhthosaíocht, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht i mí Dheireadh Fómhair 2010

dar teideal "Beartas comhtháite tionsclaíoch do ré an domhandaithe - an t-iomaíochas agus an inbhuanaitheacht á gcur i lár an aonaigh", ar thacaigh an Chomhairle leis i mí na Nollag in 2010. Tionscnamh suaitheanta is ea é sin den Straitéis Eoraip 2020. Leagtar straitéis amach sa Teachtaireacht a bhfuil sé d'aidhm aici fás agus fostaíocht a fheabhsú trí bhonn tionsclaíoch láidir atá éagsúil agus iomaíoch a chothú agus trí thacaíocht a thabhairt don bhonn sin san Eoraip, go háirithe trí choinníollacha creata a fheabhsú d'fhiontair, agus trí roinnt gnéithe den mhargadh inmheánach a neartú, lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le cúrsaí gnó.

- (3) I mí an Mheithimh 2008, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht dar teideal "Smaoinigh ar Fhiontair Bheaga ar dTús - Gníomh um Ghnólachtaí Beaga don Eoraip", ar thacaigh an Chomhairle i mí na Nollag leis in 2008. Leis an nGníomh um Ghnólachtaí Beaga (SBA) cuirtear creat cuimsitheach beartais ar fáil do FBManna, cuirtear fiontraíocht chun cinn agus daingnítear an prionsabal "Smaoinigh ar Fhiontair Bheaga ar dTús" sa dlí agus sa bheartas chun acmhainn iomaíochta na FBManna a neartú. Cuirtear deich bprionsabal ar bun leis an SBA agus leagann sé amach gníomhaíochtaí maidir le beartas agus bearta reachtacha chun acmhainn na FBManna fás agus fostaíocht a chruthú a chur chun cinn. Cuidíonn cur i bhfeidhm an SBA le baint amach chuspóirí na Straitéise Eoraip 2020. Leagadh amach roinnt gníomhaíochtaí do FBManna sna tionscnaimh shuaitheanta cheana.
- (4) Bhí SBA faoi réir a athbhreithnithe ó shin, a foilsíodh i mí Feabhra 2011, arbh uirthi sin a ghlac an Chomhairle an 30 agus an 31 Bealtaine 2011 na conclúidí. Déantar cur chun feidhme SBA a mheas leis an athbhreithniú sin agus déantar measúnú ar riachtanais FBManna atá ag feidhmiú sa timpeallacht eacnamaíoch reatha inar deacra atá sé ag éirí dóibh i gcónaí teacht ar mhaoiniú agus ar mhargaí. San athbhreithniú sin tá forléargas ar an dul chun cinn a rinneadh sa chéad dá bhliain de SBA, leagtar amach gníomhaíochtaí nua chun dul i ngleic le dúshláin a thagann as an ngéarchéim eacnamaíoch agus atá tuairiscithe ag geallsealbhóirí, agus moltar bealaí chun roghnú agus cur chun feidhme an SBA a fheabhsú ar bealaí iad ina mbeidh ról soiléir ag geallsealbhóirí agus ag eagraíochtaí gnó ar an líne tosaigh. Ba cheart go léireofaí le cuspóirí sonracha cláir le haghaidh iomaíochas fiontar agus FBManna na tosaíochtaí a leagtar amach san athbhreithniú sin. Tá sé tábhachtach é a áirithiú go mbeidh cur chun feidhme cláir den sórt sin á chomhordú le cur chun feidhme SBA.

Go háirithe, le gníomhaíochtaí faoi na cuspóirí sonracha, ba cheart go gcabrófaí leis an deich bprionsabal thuasluaite a chur i gcrích agus leis na gníomhaíochtaí nua a shainaitheann i bpróiseas athbhreithnithe SBA.

⁽¹⁾ IO C 181, 21.6.2012, lch. 125.

⁽²⁾ IO C 91, 18.12.2012, lch. 37.

- (5) Leagtar síos le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 creat airgeadais ilbhliantúil do 2014 go 2020 ⁽¹⁾. Sa chreat airgeadais ilbhliantúil sin cuirtear síos ar an dóigh a mbainfear amach na cuspóirí beartais maidir le fás a mhéadú agus tuilleadh fostaíochta a chruthú san Eoraip agus maidir le geilleagar ísealcharbóin atá níos fabhraí don timpeallacht agus Aontas atá níos feiceálaí go hidirnáisiúnta a bhunú.
- (6) Chun cuidiú le hiomaíochas agus inbhuanaitheacht fhiontair an Aontais a neartú, agus go háirithe FBManna, chun tacú le FBManna atá ann cheana, chun cultúr fiontraíochta a spreagadh agus cruthú agus fás FBManna a chur chun cinn, chun an tsochaí eolais a chur chun cinn agus forbairt a dhéanamh atá bunaithe ar fhás eacnamaíoch, ba cheart clár um iomaíochas fiontar agus um FBManna ("clár COSME") a chur ar bun.
- (7) Ba cheart go dtabharfaí tús áite i gclár COSME don chlár oibre maidir leis an simpliú, i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2012 dar teideal "Clár Oibre chun CAI 2014-2020 a shimpliú". Ba cheart go mbeadh comhordú níos fearr i gceist le caiteachas an Aontais agus na mBallstát maidir le hiomaíochas na bhfiontar agus FBManna a chur chun cinn d'fhonn comhlántacht a áirithiú, chomh maith le héifeachtúlacht agus le hinfheictheacht níos fearr, agus chun sineirgí buiséadacha níos fearr a bhaint amach.
- (8) Tá an Coimisiún tar éis a thiomnú go ndéanfaidh sé gníomhaíochtaí ar son na haeráide a chomhtháthú i gclár chaiteachais an Aontais agus go ndíreoidh sé ar a laghad 20 % de bhuiséad an Aontais ar chuspóirí a bhaineann leis an aeráid. Tá sé tábhachtach a áirithiú go gcuirtear maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó, chomh maith le cosc ar rioscaí, chun cinn agus clár COSME á ullmhú, á dheardh agus á chur chun feidhme. Ba cheart do bhearta atá cumhdaithe faoin Rialachán seo rannchuidiú leis an aistriú go geilleagar agus sochaí ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh aeráide de a chur chun cinn.
- (9) Eascraíonn sé ó Chinneadh 2001/822/CE ón gComhairle ⁽²⁾, go bhfuil eintitis agus comhlachtaí de chuid na dtíortha agus na gcríoch thar lear incháilithe chun páirt a ghlacadh i gclár COSME.
- (10) Tá sé beartaithe go gcuirfidh beartas iomaíochais an Aontais na socrúithe beartais agus na socrúithe institiúideacha i bhfeidhm a chruthóidh dálaí faoina bhféadfaidh fiontair, go háirithe FBManna, fás ar bhealach inbhuanaithe. Chun iomaíochas agus inbhuanaitheacht a bhaint amach, ní mór an cumas chun iomaíochas eacnamaíoch agus fás fiontar a bhaint amach agus a choinneáil i gcomhréir le cuspóirí inbhuanaithe forbartha. Is í an táirgiúlacht fheabhsaithe, lena n-áirítear
- táirgiúlacht acmhainne agus fuinnimh, an príomhfhoinsé fás inbhuanaithe ioncain. Braitheann iomaíochas freisin ar chumas cuideachtaí lántairbhe a bhaint as deiseanna cosúil leis an margadh inmheánach. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin do FBManna, arb ionann iad agus 99 % de na fiontair uile san Aontas, a mbaineann gach dhá phost reatha as trí san earnáil phríobháideach leo, chomh maith le 80 % de na poist atá á gcruthú as an nua, agus is iad a sholáthraíonn níos mó ná leath den bhreisluach iomlán a chruthaíonn fiontair san Aontas. Príomhspreagadh is ea iad FBManna maidir le fás eacnamaíoch, fostaíocht agus comhtháthú sóisialta.
- (11) Tá sé réamh-mheasta sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2012 dar teideal "Aisghabháil rathúil post a bhaint amach" go bhféadfaí níos mó ná cúig mhilliún post a chruthú faoi 2020 le beartais chun an t-aistriú chuig an ngeilleagar glas a chur chun cinn amháil éifeachtúlacht acmhainní, éifeachtúlacht fuinnimh, beartais maidir leis an athrú aeráide, agus go háirithe in earnáil FBManna. Agus sin á chur san áireamh, d'fhéadfaí a áireamh sna gníomhaíochtaí sonracha faoi chlár COSME forbairt táirgí, seirbhísí, teicneolaíochtaí agus próiseas inbhuanaithe a chur chun cinn, mar aon le héifeachtúlacht acmhainní agus fuinnimh agus freagracht shóisialta chorparáideach.
- (12) Tá béim ar leith á leagan ar iomaíochas i gceapadh beartais san Aontas le blianta beaga anuas mar gheall ar theipeanna sa mhargadh, teipeanna beartais agus teipeanna institiúideacha ina mbaintear an bonn d'iomaíochas fhiontair an Aontais, agus go háirithe d'iomaíochas na FBManna.
- (13) Dá bhrí sin, ba cheart do chlár COSME aghaidh a thabhairt ar theipeanna sa mhargadh a dhéanann difear d'iomaíochas gheilleagar an Aontais ar scála domhanda agus a bhaineann bonn d'acmhainneacht fiontar, go háirithe FBManna, dul in iomaíocht lena gcomhpháirtithe ar fud an domhain.
- (14) Ba cheart do chlár COSMÉdiríú go háirithe ar FBManna, mar a shainmhínítear iad i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún ⁽³⁾. Agus an Rialachán seo á chur hún feidhme, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle na ngeallsealbhóirí uile is ábhartha, lena n-áirítear na heagraíochtaí ionadaíochta do FBManna. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar mhicrifhiontair, ar fhiontair a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí ceardaíochta, ar dhaoine féinfhostaithe, ar na gairmeacha beatha liobrálacha agus ar fhiontair shóisialta. Ba cheart aird a thabhairt freisin ar fhiontraíthe nua, óga agus ar bhánfhiontraíthe a d'fhéadfadh a bheith ann, agus ar spriocghrúpaí sonracha eile, amháil daoine níos sine, imircigh agus fiontraíthe a thagann as grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste go sóisialta nó as grúpaí leochaileacha amháil daoine atá faoi mhíchumas agus ba cheart aistriú gnó, seach-chuideachtaí agus mac-chuideachtaí a chur chun cinn mar aon leis an dara deis a tabhairt d'fhiontraíthe.

⁽¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020 (Féach leathanach 884 den Iris Oifigiúil seo).

⁽²⁾ Cinneadh 2001/822/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2001 maidir le comhlachú na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an gComhphobal Eorpach ('Cinneadh maidir le comhlachú thar lear') (IO L 314, 30.11.2001, lch. 1).

⁽³⁾ Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

- (15) Baineann cuid mhaith d'fhadhbanna iomaíochais an Aontais le deacrachtaí FBManna teacht ar mhaoiniú toisc go mbíonn sé crua orthu a n-acmhainneacht creidmheasa a thaispeáint agus toisc gur deacair dóibh rochtain a fháil ar chaipiteal riosca. Bíonn tionchar diúltach ag na deacrachtaí sin ar leibhéal agus ar cháilíocht na bhfiontar nua arna gcruthú agus ar fhás agus ar ráta marthanais fiontar, agus a réidhe atá fiontraithe nua dul i gceannas ar chuideachtaí inmharthana i gcás aistriú gnó/comharbais. Tá luach breise cruthaithe ag ionstraimí airgeadais an Aontais a cuireadh i bhfeidhm faoi Chinneadh Uimh. 1639/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ agus tá siad tar éis cabhrú le 220 000 FBM ar a laghad. Maidir leis na hionstraimí nua atá beartaithe, baineann an breisluach feabhsaithe don Aontas, inter alia, le neartú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh fiontar chaipitil agus le margadh airgeadais uile-Eorpach a fhorbairt do FBManna agus chun aghaidh a thabhairt ar chliseadh margaidh nach féidir le Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu. Ba cheart go mbeadh gníomhaíochtaí an Aontais soiléir, comhleánúnach agus comhlántach maidir le hionstraimí airgeadais na mBallstát do FBManna, go gcuirfí éifeacht luamhánaithe ar fáil leo agus go seachnófaí saobhadh sa mhargadh leo i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾. Eintitis a bhfuil sé de chúram orthu na gníomhaíochtaí a chur chun feidhme, ba cheart dóibh breisiócht a áirithiú agus maoiniú dúbailte trí acmhainní an Aontais a sheachaint.
- (16) Ba cheart go dtabharfadh an Coimisiún aird ar infheictheacht an mhaoinithe dá bhforáiltear trí ionstraimí airgeadais an Rialacháin seo lena áirithiú go mbeifear ar an eolas faoi infhaighteacht thacaíocht an Aontais agus go n-aithneofar an tacaíocht dá bhforáiltear ar an margadh. Chun na críche sin, ba cheart go mbeadh oibleagáid ar idirghabhálaithe airgeadais é a shoiléiriú d'fhaighteoírí deiridh go raibh an maoiniú á chur ar fáil tríd an tacaíocht ó na hionstraimí airgeadais faoin Rialachán seo. Ba chearta don Choimisiún agus do na Ballstáit na bearta cuí a ghlacadh, lena n-áirítear córais ar líne atá furasta le húsáid, chun faisnéis a scaipeadh maidir leis na hionstraimí airgeadais atá ar fáil i measc FBManna agus idirghabhálaithe. Níor cheart go mbeadh dúbháil i gceist leis na córais sin, a bhféadfadh tairseach aonair a bheith san áireamh leo, agus leis na córais atá ann faoi láthair.
- (17) Chruthaigh an Líonra Fiontar Eorpach ("an Líonra") go bhfuil breisluach ag baint leis do FBManna na hEorpa mar ionad ilfhreastail chun tacú le gnóthaí trí chabhrú le fiontaircur lena n-iomaíochas agus deiseanna gnó sa mhargadh inmheánach agus lasmuigh de a fhiosrú. Ní féidir modheolaíochtaí ná modhanna oibre a chuichóirí
- ná éirim Eorpach a thabhairt isteach i seirbhísí tacaíochta gnó ach ar leibhéal an Aontais. Chuidigh an Líonra, go háirithe, le FBManna comhpháirtithe a aimsiú do chomhar nó d'aistriú teicneolaíochta sa mhargadh inmheánach agus i dtríú tíortha, agus chuidigh sé leo comhairle a fháil faoi fhoinsí maoinithe Aontais, faoi dhlí an Aontais agus faoi mhaoín intleachtúil agus faoi chlár Aontais a thacaíonn leis an éicea-nuálaíocht agus le táirgeadh inbhuanaithe. Fuair sé aiseolas freisin maidir le dlí agus caighdeán an Aontais. Tá tábhacht ar leith ag baint le saíneolas an Líonra ó thaobh neamhshiméadrachtaí faisnéise a sháru agus costais a bhaineann le hidirbhearta trasteorann a mhaolú.
- (18) Tá iarracht níos mó ag teastáil chun an leas is fearr is féidir a bhaint as cáilíocht na seirbhísí agus as feidhmíocht an Líonra, go háirithe maidir le feacht FBManna agus úsáid na seirbhísí ina dhiaidh sin, trí seirbhísí idirnáisiúnaíthe agus nuála a chomhtháthú tuilleadh, tríd an gcomhar idir an Líonra agus geallsealbhóirí FBManna réigiúnacha agus áitiúla, dul i gcomhairle na n-eagraíochtaí ósta agus leas níos fearr a bhaint astu, maorlathas a laghdú, tacaíocht TF a fheabhsú agus cur le hinfheictheacht an Líonra agus a chuid seirbhísí sna réigiúin gheografacha atá clúdaithe.
- (19) Cuireann idirnáisiúinú teoranta FBManna san Eoraip agus taobh amuigh den Eoraip isteach ar iomaíochas. Dar le roinnt meastachán, déanann 25 % de FBManna an Aontais earraí a onnmhairiú faoi láthair nó rinne siad amhlaidh am éigin sna trí bliana a chuaigh thart. Ón gcéatadán sin ní bhíonn ach 13 % de FBManna an Aontais ag onnmhairiú taobh amuigh den Aontas ar bhonn rialta agus ní dhearna ach 2 % de FBManna an Aontais infheistíocht taobh amuigh dá dtír dhúchais. Ina theannta sin, is léir ó shuirbhé Eorabharaiméadair 2012 an acmhainneacht atá ann nach bhfuil leas á baint aisti maidir le fás FBManna i margaí glasa, san Aontas agus lasmuigh de, i dtéarmaí idirnáisiúnaíthe agus rochtain ar an soláthar poiblí. I gcomhréir le GGB, ina n-iarrtar ar an Aontas agus ar na Ballstáit tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do FBManna tairbhe a bhaint as fás margaí taobh amuigh den Aontas, tugann an tAontas cúnamh airgeadais do roinnt tionscnamh amhail Ionad AE-na Seapáine um Chomhar Tionsclaíoch agus deasc cabhrach FBManna sa tSín maidir le Cearta Maoine Intleachtúla. Cruthaítear breisluach don Aontas trí chomhar a chur chun cinn agus trí sheirbhísí a thairiscint ar an leibhéal Eorpach lena gcomhlánaítear lárseirbhísí trádála cur chun cinn na mBallstát gan iad a dhúbháil, rud a chuireann leis an iarracht atá á déanamh ag soláthróirí seirbhísí poiblí agus príobháideacha sa réimse sin. Ba cheart go n-áireofaí ar na seirbhísí sin faisnéis maidir le cearta maoine intleachtúla, caighdeán agus rialacha agus deiseanna an tsoláthair poiblí. Ba cheart Cuid II de na Conclúidí ón gComhairle an 6 Nollaig 2011, dar teideal "Cur Chun Feidhme an Bheartais Thionsclaíoch a Neartú ar fud an AE" maidir leis an dteachtairacht ón gCoimisiún dar teideal "Beartas comhtháite tionsclaíoch do ré an domhandaithe - an t-iomaíochas agus an inbhuanaitheacht á gcur i lár an aonaigh" a chur san áireamh go hiomlán. Ar an gcaoi sin, ba cheart do straitéis dea-shainithe cnuasaigh Eorpach a bheith comhlántach leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ar

(1) Cinneadh Uimh. 1639/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 lena mbunaítear Clár Réime Iomaíochais agus Nuálaíochta (2007-2013) (IO L 310, 9.11.2006, lch. 15).

(2) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1609/2002 ón gComhairle (IO L 298, 26.10.2012, lch.1).

leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal réigiúnach cnuasaigh a ghríosú le barrfheabhas a bhaint amach agus le dul i mbun comhair go hidirnáisiúnta, agus é a chur san áireamh go bhféadfadh braisliú FBManna bheith ina phríomh-mhodh chun a n-acmhainneacht a neartú maidir le nuáil, agus le tosú ag feidhmiú ar mhargáí thar lear.

- (20) Chun acmhainn iomaíochta fhiontair an Aontais a fheabhsú, go háirithe FBManna, ní mór do na Ballstáit agus don Choimisiún timpeallacht fhabhrach gnó a chruthú. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar leasanna FBManna agus leasanna na n-earnálacha ina bhfuil FBManna gníomhach. Tá gá le tionscnaimh ar leibhéal an Aontais freisin d'fhonn faisnéis agus eolas a mhalartú ar bhonn Eorpach agus sa chás sin bíonn seirbhísí digiteacha an-éifeachtach go deo ó thaobh costais de sa réimse sin. Leis na gníomhaíochtaí sin, beidh cothrom na féinne ann do FBManna.
- (21) Cuirtear bac ar shaoránaigh, ar thomhaltóirí agus ar fhiontraithe, go háirithe FBManna, leis na bearnaí, an ilroinnt agus an maorlathas nach bhfuil gá leis, an leas is fearr is féidir a bhaint as an margadh inmheánach. Dá bhrí sin tá géarghá le hiarracht chomhbheartaithe ó na Ballstáit, Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar an gcur chun feidhme agus ar na heasnamh reachtaíochta agus faisnéise. I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta agus na comhréireachta, ba cheart do na Ballstáit, Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún obair i gcomhar a chéile chun an t-ualach riaracháin agus rialála nach bhfuil gá leis ar FBManna a laghdú agus a sheachaint. I bhfianaise na ngníomhaíochtaí faoi chlár COSME, arb é an t-aon chlár san Aontas ina ndírítear go sonrach ar FBManna, ba cheart cur leis na haidhmeanna sin a chur chun feidhme, go háirithe trí na coinníollacha creata d'fhiontair a fheabhsú. Ba cheart go mbeadh ról ag seiceálacha oiriúnachta agus measúnuithe tionchair a mhaoineítear faoi chlár COSME san iarracht sin.
- (22) Rud eile a bhfuil drochthionchar aige ar iomaíochas is ea go bhfuil spiorad fiontraíochta cuibheasach lag san Aontas. Níor mhaith ach le 45 % de shaoránaigh an Aontais (agus níos lú ná 40 % de na mná) a bheith féinfhostaithe, i gcomparáid le 55 % sna Stáit Aontaithe agus 71 % sa tSín (de réir Shuirbhé Eorabharaiméadair na bliana 2009 maidir le fiontraíocht). De réir SBA, ba cheart aird a thabhairt ar gach cás atá i ndán d'fhiontraithe, lena n-áirítear nuathionscnamh, fás, aistriú agus féimheacht (dara seans). Tá breisluach ard Aontais ag baint le hoideachas fiontraíochta a chur chun cinn, ag baint le bearta chun comhleanúnachas agus comhsheasmhacht a fheabhsú, amhail tagarmharcáil agus malartú dea-chleachtas.
- (23) Seoladh Clár Erasmus d'Fhiontraithe Óga d'fhonn fiontraithe nua nó fiontraithe atá ag teacht chun cinn a chumasú taithe ghnó a fháil i mBallstát seachas ina gceann féin agus a mbuanna fiontraíochta a neartú ar an gcaoi sin. I ndáil leis an gcuaspóir na coinníollacha creata a fheabhsú chun fiontraíocht agus cultúr na fiontraíochta a chur chun cinn, ba cheart go mbeadh

an Coimisiún in ann gníomhaíochtaí a dhéanamh atá saincheaptha le go gcuirfidh siad feabhas ar a gcumas i leith saineolas, scileanna agus dearcadh fiontraíochta a fhorbairt agus le go gcuirfidh siad feabhas ar a n-acmhainneacht teicneolaíochta agus ar an tslí a mbainistíonn siad fiontair.

- (24) Cruthaítear le hiomaíochas domhanda, le hathruithe déimeagrafacha, agus le srianta ó thaobh acmhainní de agus treochoí sóisialta atá ag teacht chun cinn, dúshláin agus deiseanna do roinnt earnálacha éagsúla a bhfuil dúshláin dhomhanda i ndán dóibh agus a bhfuil cion ard FBManna iontu. Mar shampla, ní mór d'earnálacha dearadhbhunaithe iad féin a chur in oiriúint chun tairbhe a bhaint as an acmhainneacht neamhshaothraithe a bhaineann leis an móréileamh atá ar tháirgí uilegh-abhálacha pearsantaithe. Ós rud é go mbaineann na dúshláin sin leis na FBManna uile san Aontas sna hearnálacha sin, tá gá le hiarracht chomhbheartaithe ar leibhéal an Aontais chun fás breise a chruthú trí thionscnaimh ina gcuirfeadh dlús le táirgí agus seirbhísí nua atá ag teacht chun cinn.
- (25) Ag tacú leis an ngníomhaíocht sna Ballstáit, féadfaidh clár COSME tacú le tionscnaimh i réimsí earnálacha agus trasearnálacha ina mbeadh acmhainneacht shuntasach ag baint leo maidir le fás agus gníomhaíocht fiontraíochta, go háirithe iad sin a bhfuil cion ard FBManna iontu, lena gcuirfeadh dlús le tionscail iomaíochas agus inbhuanaithe atá ag teacht chun cinn, bunaithe ar na samhlacha gnó is iomaíche, ar tháirgí agus ar phróisis feabhsaithe, ar struchtúir eagraíochtúla nó ar shlabhraí luacha atá modhnaithe. Mar atá leagtha amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2010 dar teideal "An Eoraip, príomhcheann scríbe tuarasoíreachta an domhain – creat polaitiúil nua don tuarasoírecht san Eoraip", ar thacaigh an Chomhairle léi i mí Dheireadh Fómhair 2010, is eanáil thábhachtach de chuid gheilleagar an Aontais í eanáil na turasoíreachta. Cuireann fiontair san eanáil sin 5 % go díreach le hOlltáirgeacht Intíre an Aontais (OTI). Sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("CFAE"), aithnítear an tábhacht atá leis an turasoírecht, agus leagtar síos inniúlachtaí an Aontais sa réimse sin. Tá tionscnamh turasoíreachta na hEorpa in ann gníomhaíochtaí na mBallstát a chomhlánú trí thimpeallacht fhabhrach a chruthú agus trí chomhar idir na Ballstáit a chur chun cinn go háirithe i ndáil le malartú na ndea-chleachtas. Táthar in ann a áireamh ar na gníomhaíochtaí sin, feabhas a chur ar bhonn eolais na turasoíreachta trí shonraí agus anailís a chur ar fáil, agus tionscadail thrasnáisiúnta comhair a fhorbairt i ndlúth-chomhar leis na Ballstáit agus ceanglais éigeantacha d'fhiontair an Aontais á seachaint ag an am céanna.
- (26) Leagtar amach i gclár COSME gníomhaíochtaí i dtaca leis na cuspoirí, mar aon leis an imchlúdach iomlán airgeadais chun na cuspoirí sin a bhaint amach, íoschlúdach airgeadais le haghaidh ionstraimí airgeadais, cineálacha éagsúla beart cur chun feidhme, agus socrúithe trédhearcacha maidir le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar leasanna airgeadais an Aontais agus maidir le cosaint na leasanna sin.

- (27) Comhlánaítear le clár COSME cláir eile de chuid an Aontais, agus ag an am céanna aithnítear ann gur cheart do gach ionstraim oibriú i gcomhréir lena nósanna imeachta sonracha féin. Níor cheart, mar sin, go bhfaigheadh na costais incháilithe chéanna maoiniú faoi dhó. D'fhonn breisluach a bhaint amach agus le go mbeidh tionchar suntasach ag cistiú an Aontais, ba cheart dlúthshineirgíochtaí a fhorbairt idir clár COSME, Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ ("Clár Fís 2020"), Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾ ("na Cistí Struchtúracha") agus cláir eile de chuid an Aontais.
- (28) Ba cheart na prionsabail maidir le trédhearcacht agus maidir le comhdheiseanna idir fir agus mná a chur san áireamh i ngach tionscnaimh agus gníomhaíocht atá cumhdaithe faoi chlár COSME. Ba cheart meas ar chearta an duine agus saoirsí bunúsacha do gach saoránach a chur san áireamh sna tionscnaimh agus sna gníomhaíochtaí sin freisin.
- (29) Ba cheart go mbeadh próiseas trédhearcach ann sula dtugtar deontais do FBManna. Ba cheart go mbeadh próiseas trédhearcach ag baint le deontaisa thabhairt agus a íoc, gan mhaorlathas agus go mbeadh sé i gcomhréir leis na rialacha comhchoiteanna.
- (30) Ba cheart a leagan síos leis an Rialachán seo, ar feadh ré iomlán chlár COSME, imchlúdach airgeadais arb é an phríomhfhéid tagartha dó do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil é, de réir bhrí phointe 17 den Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais⁽³⁾ do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh.
- (31) Chun a áirithiú nach n-úsáidtear maoiniú ach chun dul i ngleic le teipeanna sa mhargadh, le teipeanna beartais agus le teipeanna institiúideacha, agus chun saobhadh an mhargaidh a sheachaint, ba cheart do chistiú ó chlár COSME rialacha an Aontais maidir le Státchabhair a chomhlíonadh.
- (32) Sa Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus sna Prótacail a ghabhann le Comhaontuithe Comhlachais, déantar foráil maidir le rannpháirtíocht na dtíortha lena mbaineann i gcláir de chuid an Aontais. Ba cheart go bhféadfadh tríú tíortha eile bheith rannpháirteach freisin nuair a thugtar an méid sin le fios i gcomhaontuithe agus nósanna imeachta.
- (33) Tá sé tábhachtach go n-áiritheofaí bainistíocht fhónta airgeadais do chlár COSME agus é a chur chun feidhme ar an mbealach is éifeachtaí agus is cairdiúla don úsáideoir, agus deimhneacht dhlíthiúil agus inrochtaineacht chlár COSME do gach rannpháirtí á n-áirithiú ag an am céanna.
- (34) Ba cheart faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chlár COSME a d'fhágfadh go bhféadfaí aon choigeartuithe a dhéanamh. Ba cheart tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme a chur le chéile, ina gcuirfí an dul chun cinn atá bainte amach in iúl mar aon leis na gníomhaíochtaí atá pleanáilte.
- (35) Ba cheart faireachán bliantúil a dhéanamh ar chur chun feidhme chlár COSME le cabhair ó tháscairí lárnacha chun torthaí agus tionchair a mheas. Ba cheart go gcuirfí an bunús is lú ar fáil leis na táscairí sin, lena n-áirítear bonnlínte ábhartha, chun measúnú ar a mhéid atá cuspóirí chlár COSME bainte amach.
- (36) Leis an tuarascáil eatramhach a ullmhóidh an Coimisiún maidir le baint amach chuspóirí na gníomhaíochtaí uile a fhaigheann tacaíocht faoi chlár COSME, ba cheart go n-áireofaí meastóireacht ar thearc-rannpháirtíocht FBManna, nuair a fheictear gur ann dá leithéid i líon suntasach Ballstát. I gcás inarb iomchuí, d'fhéadfadh na Ballstáit torthaí na tuarascála eatramhaí a chur san áireamh ina mbeartas féin faoi seach.
- (37) Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha feadh an timthrialla chaiteachais, lena n-áirítear neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, pionóis riaracháin agus airgeadais, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.
- (38) D'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú do chur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun cláir oibre bhliantúla a ghlacadh le haghaidh cur chun feidhme chlár COSME. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁴⁾. Áirítear ar roinnt de na gníomhaíochtaí atá san áireamh sa chlár oibre bhliantúil gníomhaíochtaí a chomhordú ar an leibhéal náisiúnta. Maidir leis sin, ba cheart go mbeadh feidhm ag Airteagal 5(4) den Rialachán sin.
- (39) Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 a tharmligeán chuig an gCoimisiún CFAE i ndáil leis na táscairí breise, i ndáil le hathruithe ar mhionsonraí sonracha áirithe a bhaineann leis na hionstraimí airgeadais agus i ndáil le modhnuithe ar na méideanna tascacha, rud a d'fhágfadh go rachadh na modhnuithe sin ar na méideanna tascacha thar 5 % de luach an imchládaigh airgeadais i ngach cás.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fís 202 - An Clár Creata do Thaighde agus do Nuálaíocht (2014-2020) (Féach leathanach 104 den Iris Oifigiúil seo)

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos comhfhóralacha maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh a chumhdáitear leis an gcomhchreat straitéiseach agus lena leagtar síos fóralacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa agus leis an gCiste Comhtháthaithe agus lena n-aighairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 (Féach leathanach 320 den Iris Oifigiúil seo).

⁽³⁾ IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaíthe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmhigthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.

- (40) Ar mhaithe le deimhneacht agus soiléire dhlithiúil, ba cheart Cinneadh Uimh. 1639./2006 a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

Ábhar

Airteagal 1

Bunú

Bunaítear clár le haghaidh gníomhaíochtaí an Aontais chun acmhainn iomaíochta fiontar, agus go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), a fheabhsú ("clár COSME") don tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020.

Airteagal 2

Sainmhíniú

Chun críocha an Rialacháin seo, ciallaíonn "FBManna" micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide mar a shainmhínítear i Moladh 2003/361/CE.

Airteagal 3

Cuspóirí ginearálta

1. Le clár COSME, cabhrófar leis na cuspóirí ginearálta seo a leanas a bhaint amach, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais shonracha FBManna a bhunaítear san Aontas agus FBManna a bhunaítear i dtríú tíortha atá rannpháirteach i gclár COSME de bhun Airteagal 6:

- (a) iomaíochas agus inbhuanaitheacht fhiontair an Aontais a neartú, go háirithe FBManna;
- (b) an cultúr fiontraíochta a spreagadh agus cruthú agus fás na FBManna a chur chun cinn.
2. Is leis na táscairí seo a leanas a dhéanfar baint amach na gcuspóirí dá dtagraítear i mír 1 a thomhas:

- (a) feidhmiú na FBManna maidir le hinbhuanaitheacht;
- (b) athruithe ar an ualach neamhriachtanach riaracháin agus rialála atá ar na FBManna nua agus ar na FBManna atá ann cheana;
- (c) athruithe ar chion na FBManna atá ag onnmhairiú laistigh den Aontas nó taobh amuigh de;
- (d) athruithe ar fhás na FBManna;

(e) athruithe ar chion na saoránach san Aontas ar mhaith leo a bheith féinfhostaithe.

3. Leagtar amach san Iarscríbhinn liosta sonraithe de tháscairí agus de spriocanna do chlár COSME.

4. Tabharfaidh clár COSME tacaíocht do chur chun feidhme Straitéis Eoraip 2020 agus rannchuideoidh sé le baint amach na cuspóra maidir le "fás cliste, inbhuanaithe agus uileghabhálach". Rannchuideoidh clár COSME go háirithe le baint amach na príomhspricé maidir le fostaíocht.

CAIBIDIL II

Cuspóirí sonracha agus réimsí gníomhaíochta

Airteagal 4

Cuspóirí sonracha

1. Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha chlár COSME:
- (a) rochtain ar mhaoiniú do FBManna a fheabhsú i bhfoirm cothromais agus fiachais;
- (b) rochtain ar mhargaí a fheabhsú, go háirithe laistigh den Aontas ach ar an leibhéal domhanda freisin;
- (c) feabhas a chur ar na coinníollacha creata ar mhaithe le hiomaíochas agus inbhuanaitheacht fhiontair an Aontais, go háirithe i gcás FBManna, lena n-áirítear earnáil na turasóireachta;
- (d) fiontraíocht agus cultúr na fiontraíochta a chur chun cinn.
2. Maidir leis an ngá atá ann fiontair a chur in oiriúint do gheilleagar astaíochtaí ísle atá athléimneach ó thaobh aeráide de agus tíosach ar acmhainní agus ar fhuinneamh, cuirfear an gá sin chun cinn agus clár COSME á chur chun feidhme.
3. Chun tionchar chlár COSME maidir le baint amach na gcuspóirí sonracha dá dtagraítear i mír 1 a thomhas, úsáidfear na táscairí a leagtar amach san Iarscríbhinn.
4. Sna cláir oibre bliantúla dá dtagraítear in Airteagal 13, mionsonrófar na gníomhaíochtaí uile a bheidh le cur chun feidhme faoi chlár COSME.

Airteagal 5

Buiséad

1. EUR 2,302 milliún i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais chun clár COSME a chur chun feidhme, agus leithdháilfear suim nach lú ná 60 % den méid sin ar ionstraimí airgeadais.

Déanfar na leithreasuithe nua a údarú ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle laistigh de theorainneacha an chreata airgeadais ilbhliantúil

2. Féadfaidh an t-imchlúdach airgeadais a bhunaítear faoin Rialachán seo costais eile a chumhdach freisin, costais a bhaineann le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta a bhfuil gá leo chun clár COSME a bhainistiú agus chun a chuid cuspóirí a bhaint amach. Cumhdófar leis go háirithe, ar bhealach costéifeachtach, staidéir, cruinnithe saineolaíthe, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais a mhéid a bhaineann siad

le cuspóirí ginearálta chlár COSME, costais a bhaineann le greasáin TF atá dírithe ar phróiseáil agus ar mhalartú faisnéise, mar aon leis na costais uile eile cúnamh, idir chúnaimh teicniúil agus chúnaimh riaracháin, atá á dtabhú ag an gCoimisiún i mbainistiú chlár COSME.

Ní rachaidh na costais sin thar 5 % de luach an imchlúdaigh airgeadais.

3. Leis an imchlúdach airgeadais do chlár COSME leithdháilfear na suimeanna táscacha de 21.5 % de luach an imchlúdaigh airgeadais ar an gcuspóir sonrath dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(b), 11 % ar an gcuspóir sonrath dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(c) agus 2.5 % ar an gcuspóir sonrath dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(d). Féadfaidh an Coimisiún imeacht ó na suimeanna táscacha sin ach ní mó ná 5 % de luach an imchlúdaigh airgeadais an t-imeacht i ngach cás. I gcás go dtarlódh sé gur gá dul thar an teorainn sin, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun na suimeanna táscacha sin a mhodhnú.

4. Féadfaidh an leithdháileadh airgeadais costais an chúnaimh teicniúil agus riaracháin a chumhdach freisin, a bhfuil gá leo chun an t-aistriú a áirithiú idir clár COSME agus na bearta a glacadh faoi Chinneadh Uimh. 1639/2006/CE⁽¹⁾. Más gá, féadfar leithreasáí a iontráil sa bhuiséad tar éis 2020 chun costais chosúla a chumhdach, le go bhféadfar gníomhaíochtaí nach mbeidh críochnaithe go fóill faoin 31 Nollaig 2020 a bhainistiú.

Airteagal 6

Rannpháirtíocht tríú tíortha

1. Féadfaidh siad seo a leanas a bheith rannpháirteach i gclár COSME:

- (a) tíortha Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos sa Chomhaontú ar an LEE, agus tíortha Eorpacha eile nuair a cheadaítear sin leis na comhaontuithe agus na nósanna imeachta;
- (b) tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha i gcomhréir leis na príonsabail ghinearálta agus leis na téarmaí agus coinníollacha ginearálta maidir le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gclár de chuid an Aontais atá bunaithe sna Creat-Chomhaontuithe ábhartha agus sna Cinntí ábhartha ó na Comhairlí Comhlachais, nó i socruithe eile cosúil leo sin;
- (c) tíortha a thagann faoi raon feidhme bheartais chomharsanachta na hEorpa, nuair a cheadaítear é sin leis na comhaontuithe agus na nósanna imeachta agus i gcomhréir leis na príonsabail ghinearálta agus leis na téarmaí agus coinníollacha ginearálta maidir le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gclár de chuid an Aontais atá bunaithe sna Creat-Chomhaontuithe ábhartha, sna Prótacail ábhartha a ghabhann le Comhaontuithe Comhlachais agus sna Cinntí ábhartha ó na Comhairlí Comhlachais.

⁽¹⁾ Cinneadh Uimh. 1639/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 lena mbunaítear Clár Réime Iomaíochais agus Nuálaíochta (2007 go 2013) (IO L 310, 9.11.2006, lch. 15).

2. Féadfaidh eintiteas atá bunaithe i dtír dá dtagraítear i mír 1 a bheith rannpháirteach i gcodanna de chlár COSME i gcás ina bhfuil an tír sin rannpháirteach faoi na coinníollacha a leagtar amach sna comhaontuithe faoi seach a gcuirtear síos orthu i mír 1.

Airteagal 7

Rannpháirtíocht eintiteas ó thíortha neamh-rannpháirteacha

1. I gcodanna de chlár COSME nach bhfuil tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 5 rannpháirteach iontu, féadfaidh eintitis atá bunaithe sa tír sin a bheith rannpháirteach. Féadfaidh eintitis atá bunaithe i dtírú tíortha eile a bheith rannpháirteach freisin i ngníomhaíochtaí faoi chlár COSME.

2. Ní beidh na heintitis dá dtagraítear i mír 1 i dteideal rannchuidithe airgeadais a fháil ón Aontas, seachas i gcás ina bhfuil sé sár-riachtanach do chlár COSME, go háirithe maidir le hiomaíochas agus rochtain ar mhargaí d'fhiontair an Aontais. Ní bheidh feidhm ag an eisceacht sin maidir le heintitis a dhéanann brabús.

Airteagal 8

Gníomhaíochtaí chun rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú do FBManna

1. Tabharfaidh an Coimisiún tacaíocht do ghníomhaíochtaí a bhfuil sé d'aidhm leo rochtain ar mhaoiniú a éascú do FBManna agus feabhas a chur uirthi i gcéimeannuathionscainm, fáis agus aistriú na FBManna, ar rochtain í a bheadh comhlántach leis an úsáid a bhaineann na Ballstáit as ionstraimí airgeadais do FBManna ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach. D'fhonn comhlántacht a áirithiú, déanfar na gníomhaíochtaí sin a chomhordú go dlúth leis na gníomhaíochtaí a dhéantar faoi chuimsiú ar bheartais chomhtháthaithe, Chlár Fís 2020 agus ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach. Beidh sé d'aidhm leis na gníomhaíochtaí sinroghnú agus soláthar maoiniú cothromais agus fiachais araon a spreagadh, a bhféadfadh síolchistiú, cistiú aingil agus maoiniú cuasachothromais bheith san áireamh leo faoi réir éileamh an mhargaidh ach lena n-eisiatar scamhadh sócmhainní.

2. Mar aon leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1, féadfar tacaíocht an Aontais a thabhairt freisin do ghníomhaíochtaí lena gcuirtear feabhas ar an maoiniú trasteorann agus ilnáisiúnta, faoi réir éileamh an mhargaidh, agus sa dóigh sin tabharfar cúnamh do FBManna a ngníomhaíochtaí a idirnáisiúntú i gcomhréir le dlí an Aontais.

Féadfaidh an Coimisiún scrúdú a dhéanamh freisin ar an deis a d'fhéadfadh a bheith ann sársaí nuálacha airgeadais a fhorbairt, amháil sársaí slua-chistithe, faoi réir éileamh an mhargaidh.

3. Tá mionsonraí na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 leagtha síos in Airteagal 17.

Airteagal 9

Gníomhaíochtaí chun rochtain ar mhargaí a fheabhsú

1. Chun leanúint d'fheabhas a chur ar iomaíochas fhiontair an Aontais agus ar a rochtain ar na margaí, féadfaidh an Coimisiún tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí chun rochtain FBManna ar an margadh inmheánach a fheabhsú amháil soláthar faisnéise (lena n-áirítear trí sheirbhísí digiteacha) agus ardú feasachta i ndáil le clár, dlí agus caighdeán an Aontais, i measc nithe eile.

2. Díreofar le bearta sonracha ar rochtain na FBManna a éascú maidir leis na margaí lasmuigh den Aontas. Féadfar a áireamh ar na bearta sin faisnéis a sholáthar faoi na bacainní atá ann cheana ar dhul isteach sa mhargadh agus faoi dheiseanna gnó, soláthar poiblí agus nósanna imeachta custaim, agus feabhas a chur ar na seirbhísí tacaíochta maidir le caighdeáin agus cearta maoinne intleachtúla i dtríú tíortha a dtugtar tús áite dóibh. Leis na bearta sin, déanfar príomhghníomhaíochtaí chur chun cinn trádála na mBallstát a chomhlánú ach ní dhéanfar iad a dhúbláil.

3. Féadfaidh sé a bheith d'aidhm ag gníomhaíochtaí faoi chlár COSME comhar idirnáisiúnta a chothú, lena n-áirítear idirphlé tionsclaíoch agus rialála a dhéanamh le tríú tíortha. Féadfaidh sé a bheith d'aidhm le bearta sonracha difríochtaí idir an tAontas agus tíortha eile a laghdú maidir le creataí rialála do tháirgí, cur le forbairt an fhiontair agus an bheartais thionsclaíoch agus cur le feabhsú na timpeallachta gnó.

Airteagal 10

An Líonra Fiontar Eorpach

1. Tacóidh an Coimisiún leis an Líonra Fiontar Eorpach ("an Líonra") seirbhísí comhtháite tacaíochta gnó a sholáthar do FBManna an Aontais a fhéachann le deiseanna a aimsiú sa mhargadh inmheánach agus i dtríú tíortha. D'fhéadfadh Féadfaidh an méid seo a leanas a bheith i measc na ngníomhaíochtaí a dhéanfar tríd an Líonra:

(a) seirbhísí faisnéise agus comhairleacha a sholáthar maidir le tionscnaimh agus dlí an Aontais; tacaíocht a thabhairt maidir le feabhas a chur ar chumas lucht bainistíochta cur le hiomaíochas na FBManna; tacaíocht a thabhairt lena ndírítear ar fheabhas a chur ar eolas airgeadais na FBManna, lena n-áirítear seirbhísí faisnéise agus comhairleacha maidir le deiseanna cistithe, agus ar fheabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú agus ar scéimeanna ábhartha oiliúnaithe agus meantóireachta; bearta chun go méadófar rochtain na FBManna ar éifeachtúlacht fuinnimh, ar shaineolas maidir leis an aeráid agus maidir leis an gcomhshaol; agus cur chun cinn chlár maoiniúcháin agus ionstraimí airgeadais de chuid an Aontais (lena n-áirítear clár Fís 2020 i gcomhar le pointí teagmhála náisiúnta agus na Cistí Struchtúracha);

(b) gnó trasteorann, T&F, aistriú teicneolaíochta agus eolais agus comhpháirtíochtaí teicneolaíochta agus nuálaíochta a éascú;

(c) bealach cumarsáide idir FBManna agus an Coimisiún a chur ar fáil.

2. Féadfar leas a bhaint as an Líonra freisin chun seirbhísí a sholáthar thar ceann clár eile de chuid an Aontais amhail clár Fís 2020, lena n-áirítear seirbhísí tiomnaithe comhairleacha lena spreagtar na FBManna chun a bheith rannpháirteach i gclár eile de chuid an Aontais. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar comhordú éifeachtúil ar na hacmhainní éagsúla airgeadais le haghaidh an Líonra agus go ndéanfar seirbhísí a sholáthraíonn an Líonra thar ceann clár eile an Aontais a mhaoiniú leis na cláir sin.

3. Déanfar cur chun feidhme an Líonra a chomhordú i ndlúthpháirtíocht leis na Ballstáit sa chaoi nach ndúblálfar gníomhaíochtaí i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta.

Déanfaidh an Coimisiún an Líonra a mheasúnú maidir lena héifeachtacht, leis an rialú a dhéantar air agus le soláthar seirbhísí ar ardchaighdeán ar fud an Aontais.

Airteagal 11

Gníomhaíochtaí chun na coinníollacha creata a fheabhsú ar mhaithe le hiomaíochas agus inbhuanaitheacht fhiontair an Aontais, go háirithe FBManna

1. Tabharfaidh an Coimisiún tacaíocht do ghníomhaíochtaí chun na coinníollacha creata d' iomaíochas agus inbhuanaitheacht fhiontair an Aontais, go háirithe FBManna, a fheabhsú ar mhaithe le héifeachtacht, comhleanúnachas agus comhsheasmhacht agus comhordú a mhéadú i mbeartais náisiúnta agus réigiúnacha a gcuirtear iomaíochas, inbhuanaitheacht agus fás fhiontair an Aontais chun cinn leo.

2. Féadfaidh an Coimisiún tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí sonracha i dtaca le feabhas a chur ar na coinníollacha creata do na fiontair, go háirithe na FBManna, trí ualach riaracháin agus rialála, nach bhfuil gá leis, a laghdú agus a sheachaint. Féadfar a áireamh ar na bearta sin meastóireacht a dhéanamh ar bhonn rialta ar an éifeacht a bhíonn ag dlí ábhartha an Aontais maidir le FBManna, i gcás inarb iomchuí de bhithin scórchláir, tacaíochta do ghrúpaí saineolaíthe neamhspleacha, agus malartaíthe faisnéise agus dea-chleachtais, lena n-áirítear faisnéis agus dea-chleachtais maidir le cur i bhfeidhm sistéamach na tástála FBManna ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát.

3. Féadfaidh an Coimisiún tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí a bhfuil sé d'aidhm leo straitéisí nua iomaíochais agus forbartha gnó a fhorbairt. Féadfar gníomhaíochtaí de na cineálacha seo a leanas a áireamh:

(a) bearta chun feabhas a chur ar cheapadh, cur chun feidhme agus meastóireacht na mbeartas a mbíonn éifeacht acu ar iomaíochas agus inbhuanaitheacht fhiontar, lena n-áirítear tríd an dea-chleachtas a chomhroinnt maidir le coinníollacha creata agus bainistiú braislí den chéad scoth agus gréasáin ghnó; agus trí chomhoibriú trasnáisiúnta i measc braislí agus gréasán gnó agus forbairt táirgí, seirbhísí, teicneolaíochtaí agus próiseas inbhuanaithe a chur chun cinn, mar aon le héifeachtúlacht acmhainní agus fuinnimh agus freagracht shóisialta chorpóraideach;

(b) bearta chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe idirnáisiúnta na mbeartas iomaíochais, lena ndíreofaí go háirithe ar chomhar i leith beartais idir na Ballstáit, tíortha eile atá rannpháirteach i gClár COSME agus comhpháirtithe trádála domhanda an Aontais;

(c) bearta chun feabhas a chur ar fhorbairt beartais na FBManna, ar chomhar idir lucht déanta beartas, ar athbhreithnithe piaraí agus ar mhalartú an dea-chleachtais idir na Ballstáit, agus an fhianaise atá ar fáil agus barúlacha na ngeallsealbhóirí á gcur san áireamh, i gcás inarb iomchuí, go háirithe d'fhonn gurbh fhusa do FBManna rochtain a fháil ar chlár agus ar bhearta Aontais, i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta GGB.

4. Féadfaidh an Coimisiún, trí chomhordú a chur chun cinn, tacú le gníomhaíocht a dhéantar sna mBallstáit chun go gcuirfeadh dlús le teacht chun cinn tionscal iomaíoch a bhfuil acmhainneacht acu maidir leis an margadh. D'fhéadfaí a áireamh sa tacaíocht sin gníomhaíochtaí chun malartú an dea-chleachtais a chur chun cinn agus scileanna agus riachtanais oiliúna na dtionscal a shainaithint, go mór mór riachtanais FBManna, agus r-scileanna go háirithe. Féadfar a áireamh uirthi freisin gníomhaíochtaí chun roghnú samhlacha nua gnó agus comhar FBManna i slabhraí luachanna nua a spreagadh mar aon le leas tráchtála a bhaint as smaointe ábhartha do tháirgí nua agus do sheirbhísí nua.

5. Féadfaidh an Coimisiún cur le gníomhaíochtaí na mBallstát chun feabhas a chur ar iomaíochas agus inbhuanaitheacht FBManna an Aontais sna réimsí sin a bhfuil acmhainneacht shonrach fairs iontu, go háirithe iad siúd a bhfuil cion ard FBManna iontu, amhail earnáil na turasóireachta. D'fhéadfaí a áireamh ar na gníomhaíochtaí sin comhar idir na Ballstáit a chur chun cinn, go háirithe trí mhalartú an dea-chleachtais.

Airteagal 12

Gníomhaíochtaí chun fiontraíocht a chur chun cinn

1. Cuirfidh an Coimisiún le cur chun cinn na fiontraíochta agus an chultúir fiontraíochta trí fheabhas a chur ar na coinníollacha creata lena n-áirítear tionchar ar fhorbairt na fiontraíochta lena n-áirítear trí na bacainní ar chur ar bun na bhfiontar a laghdú. Tabharfaidh an Coimisiún tacaíocht do thimpeallacht ghnó agus do chultúr gnó atá fabhrach d'fhiontair inbhuanaithe, do ghnólachtaí nuathionscanta, don fhás, d'aistriú gnó, don dara seans (atosú), mar aon le seachchuideachtaí agus mac-chuideachtaí.

2. Tabharfar aird ar leith ar fhiontraíochtaí ionchasacha, ar fhiontraíochtaí nua, ar fhiontraíochtaí óga agus ar bhannfhiontraíochtaí, agus ar spriocghrúpaí sonracha eile freisin.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhaíochtaí a dhéanamh amhail cláir shoghluaisteachta d'fhiontraíochtaí nua le go gcuirfidh siad feabhas ar a gcumas i leith saíneolas, scileanna agus dearctáí fiontraíochta a fhorbairt agus le go gcuirfidh siad feabhas ar a n-acmhainneacht teicneolaíochta agus ar an tslí a mbainistíonn siad fiontair.

4. Féadfaidh an Coimisiún tacú le bearta na mBallstát chun oideachas, scileanna agus dearctáí fiontraíochta a fhorbairt agus a éascú, go háirithe i measc fiontraíochtaí nua agus ionchasacha.

CAIBIDIL III

Clár COSME a chur chun feidhme

Airteagal 13

Cláir oibre bhliantúla

1. Chun clár COSME a chur chun feidhme, glacfaidh an Coimisiún cláir oibre bhliantúla i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(2). Le gach clár oibre bliantúil cuirfeadh chun feidhme na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo agus leagfar an méid seo a leanas amach go mion ann:

(a) tuairisc ar na gníomhaíochtaí a bheidh le maoiniú, na cuspóirí a shaothrófar maidir le gach gníomhaíocht, ar cuspóirí iad a bheidh i gcomhréir leis na cuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagal 3 agus in Airteagal 4, na torthaí a mbeifear ag súil leo, an modh cur chun feidhme, léiriú ar an méid a leithdháilfeadh ar gach gníomhaíocht, méid iomlán le haghaidh na ngníomhaíochtaí uile agus tráthchlár tascach cur chun feidhme agus próifíl íocaíochta;

(b) táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla iomchuí maidir le gach gníomhaíocht, chun anailís agus faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí a soláthraíodh na torthaí agus a baineadh amach cuspóirí na gníomhaíochta i dtrácht;

(c) maidir le deontais agus bearta a bhaineann leo, na critéir mheastóireachta bunriachtanacha a leagfar síos sa tslí is go mbainfeadh amach ar an mbealach is fearr na cuspóirí a shaothraítear le clár COSME, agus an ráta uasta cómhaoinithe;

(d) caibidil mhionsonraithe ar leith maidir leis na hionstraimí airgeadais, a léireofar inti, i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán seo, na hoibleagáidí i ndáil le faisnéis faoi Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, lena n-áirítear cionroinnt an imchlúdaigh airgeadais a mbeifear ag súil léi, idir an tSaoráid Cothromais d'Fhás agus an tSaoráid Ráthaíochta Iasachta dá dtagraítear in Airteagal 18 agus Airteagal 19 den Rialachán seo faoi seach, agus faisnéis amhail leibhéal na ráthaíochta agus an gaol le clár Fís 2020.

2. Cuirfidh an Coimisiún clár COSME chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 996/2012.

3. Cuirfeadh clár COSME chun feidhme chun a áirithiú go gcuireann na gníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh forbairtí agus riachtanais a bheidh ann amach anseo san áireamh, go háirithe tar éis na meastóireachta eatarmaí, dá dtagraítear in Airteagal 12(3), agus chun a áirithiú go bhfuil na gníomhaíochtaí sin ábhartha maidir le margáí atá i mbun forbartha, maidir leis an ngeilleagar agus maidir le hathruithe sa tsochaí.

Airteagal 14

Bearta tacaíochta

1. I dteannta na mbearta atá cumhdaithe faoi na cláir oibre bhliantúla dá dtagraítear in Airteagal 13, déanfaidh an Coimisiún bearta tacaíochta go rialta, lena n-áirítear na bearta seo a leanas:

(a) feabhas a chur ar an anailís agus ar an bhfaireachán a dhéantar ar shaincheisteanna earnála agus trasearnála;

(b) dea-chleachtas agus dea-mhodhanna cur chuige don bheartas a shainaithint agus a scaipeadh, agus iad a fhorbairt tuilleadh;

(c) seiceálacha oiriúnachta ar an dlí atá ann cheana agus measúnuithe tionchair ar bhearta nua de chuid an Aontais atá an-ábhartha maidir le hiomaíochas fiontar, chun go sainaithneofar na réimsí dlí atá ann cheana ar gá a shimpliú, agus chun go n-áirítear go n-íoslaghdófar ualuithe ar FBManna i réimsí a molfar bearta reachtacha nua iontu;

- (d) meastóireacht a dhéanamh ar reachtaíocht a bhfuil tionchar aige ar na fiontair, go háirithe ar na FBManna, ar bheartas tionsclaíoch agus ar bhearta a bhaineann le hiomaíochas;
- (e) córais chomhtháite ar líne a chur chun cinn ar córais iad atá furasta le húsáid agus lena soláthraítear faisnéis maidir le cláir atá ábhartha do na FBManna, agus a áirithiú nach ndéantar na tairsigh atá ann cheana a dhúbláil leis an méid sin.

2. Ní rachaidh costas iomlán na mbeart tacaíochta sin thar 2,5 % d'ímchlúdach airgeadais chlár COSME.

Airteagal 15

Faireachán agus meastóireacht

1. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh faireachán ar chur chun feidhme agus bainistiú chlár COSME.
2. Tarraingeoidh an Coimisiún suas tuarascáil bhliantúil faireacháin ina scrúdófar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na ngníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh maidir le cur chun feidhme airgeadais, torthaí, costais agus, más féidir, tionchar na ngníomhaíochtaí. Áireofar sa tuarascáil faisnéis faoi thairbhíthe, nuair is féidir, do gach glao ar thograí, faisnéis faoin méid caiteachais a bhaineann le cúrsaí aeráide agus an tionchar atá ag an tacaíocht a thugtar do chuspóirí maidir leis an athrú aeráide, sonraí ábhartha maidir leis na hiasachtaí a thugtar faoin tSaoráid Ráthaíochta Iasachtaí os cionn agus faoi EUR 150 000 a mhéid nach gcruthaíonn bailiú na faisnéise sin ualach riaracháin gan údar d'fhiontair, go háirithe do FBManna. Áireofar sa tuarascáil faireacháin an tuarascáil bhliantúil ar gach ionstraim airgeadais mar a cheanglaítear le hAirteagal 140(8) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.
3. Tráth nach déanaí ná 2018, bunóidh an Coimisiún tuarascáil eatramhach mheastóireachta, ar leibhéal na dtorthaí agus na n-iarbhairtí, maidir le baint amach chuspóirí na ngníomhaíochtaí ar fad a bhfuil tacaíocht faighte acu faoi Chlár COSME agus maidir le héifeachtúlacht úsáid na n-acmhainní agus an breisluach Eorpach a bhaineann léi, d'fhonn cinneadh a dhéanamh maidir leis na bearta a athnuachan, a mhodhnú nó a chur ar fionraí. Chomh maith leis sin, tabharfaidh an tuarascáil eatramhach mheastóireachta aghaidh freisin ar an raon feidhme i ndáil le simpliú, le comhtháthú inmheánach agus seachtrach, le hábharthacht leanúnach gach cuspóra, mar aon leis an méid a chuireann na bearta le tosaíochtaí an Aontais i leith fáis chliste, inbhuanaithe agus uileghabhálaigh. Cuirfear san áireamh sa tuarascáil torthaí na meastóireachta ar thionchar fadtéarmach na mbeart a bhí ann roimhe sin agus beidh sí mar fhoinsé faisnéise tráth a mbeidh cinneadh á dhéanamh i ndáil le beart eile a dhéanfaí ina dhiaidh sin a bhféadfaí athnuachan, leasú nó fionraí birt dá eis sin a bheith i gceist leis.
4. Bunóidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta deiridh ar thionchar fadtéarmach na mbeart agus ar inbhuanaitheacht éifeachtaí na mbeart.
5. Maidir le tairbhíthe na ndeontas agus leis na páirtithe uile a bhfuil cistí faighte acu ón Aontas faoin Rialachán seo, cuirfidh siad na sonraí agus an fhaisnéis atá riachtanach agus iomchuí ar fáil don Choimisiún le go mbeifear in ann faireachán agus measúnú a dhéanamh ar na bearta lena mbaineann.

6. Déanfaidh an Coimisiún na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 2, mír 3 agus mír 4 a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle agus foilseoidh sé iad.

CAIBIDIL IV

Forálacha airgeadais agus cineálacha cúnaimh airgeadais

Airteagal 16

Cineálacha cúnaimh airgeadais

Féadfar cúnamh airgeadais an Aontais faoi chlár COSME a chur chun feidhme go hindíreach trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a tharmligean chuig na heintitis a liostaítear in Airteagal 58(1)(c) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.

Airteagal 17

Ionstraimí airgeadais

1. Déanfar ionstraimí airgeadais faoi chlár COSME, a chuirtear ar bun i gcomhréir le Teideal VIII de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 a fheidhmiú agus é d'aidhm leo rochtain ar mhaoiniú a éascú do FBManna, le linn na gcéimeanna ar lena linn atá siad á nuathionscnamh, ag fás agus á n-aistriú. Áireofar sna hionstraimí airgeadais saoráid cothromais agus saoráid iasachta faoi ráthaíocht. Cuirfear an t-éileamh ó idirghabhálaithe airgeadais san áireamh agus cistí á leithdháileadh ar na saoráidí sin.
2. I gcás inarb iomchuí, féadfar na hionstraimí airgeadais do na FBManna a chomhcheangal leis na hionstraimí agus na deontais seo a leanas agus féadfar iad a chomhlánú leo:
 - (a) ionstraimí airgeadais eile a bhunaigh na Ballstáit agus a n-údaráis bhainistíochta, a mhaoineítear le cistí náisiúnta nó cistí réigiúnacha nó a mhaoineítear faoi chuimsiú oibríochtaí na gCistí Struchtúracha, i gcomhréir le hAirteagal 33(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013;
 - (b) ionstraimí airgeadais eile a bhunaigh na Ballstáit agus a n-údaráis bhainistíochta ar ionstraimí iada maoinítear le cistí náisiúnta nó réigiúnaí lasmuigh d'oibríochtaí na gCistí Struchtúracha;
 - (c) deontais atá maoinithe ag an Aontas, lena n-áirítear faoin Rialachán seo.
3. Féadfaidh an tSaoráid Cothromais d'Fhás agus an tSaoráid Iasachta faoi Ráthaíocht dá dtagraítear in Airteagal 18 agus Airteagal 19 faoi seach a bheith comhlántach leis an úsáid a bhaineann na Ballstáit as ionstraimí airgeadais le haghaidh FBManna laistigh de chreat beartas comhtháthaithe an Aontais.
4. Féadfaidh an tSaoráid Cothromais d'Fhás agus an tSaoráid Iasachta faoi Ráthaíocht a cheadú go ndéanfar a n-acmhainní airgeadais a chomhthiomsú, i gcás inarb iomchuí, le hacmhainní airgeadais na mBallstát agus/nó na réigiún atá toilteanach cuid de na Cistí Struchtúracha a tugadh dóibh a ranníoc i gcomhréir le hAirteagal 33(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.
5. Féadfaidh na hionstraimí airgeadais torthaí inghlactha a ghiniúint chun cuspóirí na gcomhpháirtithe nó na n-infheisteoirí eile a chomhlíonadh. Féadfaidh an tSaoráid Cothromais d'Fhás feidhmiú ar bhonn fo-ordaithe ach beidh sé d'aidhm aici luach na sócmhainní a sholáthraítear le buiséad an Aontais a chaomhnú.

6. Cuirfear an tSaoráid Cothromais d'Fhás agus an tSaoráid Iasachta faoi Rátháíocht chun feidhme i gcomhréir le Teideal VIII de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 agus Rialachán Tarmligthe (AE, Euratom) Uimh. 1268/2012 ón gCoimisiún ⁽¹⁾.

7. Déanfar na hionstraimí airgeadais faoi chlár COSME a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhlántacht agus i gcomhlháthú leo siúd a bunaíodh faoi chlár Fís 2020 le haghaidh na FBManna.

8. I gcomhréir le hAirteagal 60 (1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, áiríteoidh na heintitis ar cuireadh cúraimí cur chun feidhme na n-ionstraimí airgeadais orthu feiceálacht ghníomhaíocht an Aontais agus cistí de chuid an Aontais á mbainistiú acu. Chuige sin, áiríteoidh an t-eintiteas ar cuireadh cúraimí air go gcuireann idirghabhálaithe airgeadais faighteoirí deiridh ar an eolas go sainráite gur de bharr na tacaíochta a thugtar trí ionstraimí airgeadais faoi chlár COSME sin a raibh teacht acu ar an maoiniú. Áiríteoidh an Coimisiún go mbeidh rochtain éasca ag faighteoirí deiridh ionchasacha ar fhoilsiú ex post na faisnéise maidir leis na faighteoirí i gcomhréir le Airteagal 60(2)(e) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.

9. I gcomhréir le hAirteagal 21(4) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, déanfar aisíocaíochtaí a ghintear leis an dara fuinneog den tSaoráid um Ardfhás agus um FBManna Nuálaíochta a bunaíodh faoi Chinneadh Uimh. 1639/2006/CE, ar aisíocaíochtaí iad a fuarthas i ndiaidh 31 Nollaig 2013, a shannadh don tSaoráid Cothromais Fáis a bunaíodh faoi Airteagal 14a den Rialachán seo.

10. Cuirfear na hionstraimí airgeadais chun feidhme i gcomhréir le rialacha ábhartha an Aontais maidir le Státchabhair.

Airteagal 18

An tSaoráid Cothromais Fáis

1. Déanfar Saoráid Cothromais d'Fhás (EFG) a chur chun feidhme mar thairseach ar ionstraim airgeadais aonair Aontais um maoiniú cothromais lena dtacófar le fás, agus le taighde agus nuálaíocht (T&N) thionscail de chuid an Aontais ón gcéadchéim (siolchaipiteal san áireamh,) go dtí céim an fháis, agus tiocfaidh tacaíocht airgeadais ó chlár Fís 2020 agus ó chlár COSMEDon ionstraim airgeadais aonair um maoiniú cothromais.

2. Leis an EFG, díreofar ar chistí lena gcuirtear an méid seo ar fáil: caipiteal fiontair agus maoiniú mezzanine, ar nós iasachtaí fo-ordaithe agus iasachtaí rannpháirteachais, d'fhiontair forbraíochta agus d'fhiontair ag céim an fháis, go háirithe na fiontair sin a oibríonn thar theorainneacha, ach beidh an deis aige freisin infheistíocht a dhéanamh i gcistí céadchéime i

⁽¹⁾ Rialachán Tarmligthe (AE, Euratom) Uimh. 1268/2012 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2012 maidir le rialacha cur i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais. (IO L 362, 31.12.2012, lch. 1).

gcomhar leis an tSaoráid Cothromais le haghaidh T&N faoi chlár Fís 2020 agus saoráidí comh-infheistíochta a chur ar fáil d'aingil ghnó. I gcás infheistíochtaí céadchéime, ní sháróidh an infheistíocht ó EFG 20 % d'infheistíocht iomlán an Aontais ach amháin i gcás cistí ilchéime agus cistí cistí, cás ina dtabharfar an cistiú ó EFG agus ón tSaoráid Cothromais le haghaidh T&N faoi chlár Fís 2020 ar bhonn pro rata, ar bhonn bheartais infheistíochta na gcistí. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh an uasteorainn 20 % a leasú i bhfianaise dálaí athraitheacha sa mhargadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(2).

3. Bainfidh EFG agus an tSaoráid Cothromais le haghaidh T&N faoi chlár Fís 2020, leas as an sásra céanna seachadta.

4. Beidh an tacaíocht ón EFG i bhfoirm ceann de na hinfeistíochtaí seo a leanas:

(a) infheistíocht dhíreach ón gCiste Eorpach Infheistíochta nó ó eintitis eile a bhfuil sé de chúram orthu an cur chun feidhme a dhéanamh thar ceann an Choimisiúin; nó

(b) trí chistí cistí nó feithiclí infheistíochta a dhéanann infheistíocht thar theorainneacha, a bhunaítear leis an gCiste Eorpach Infheistíochta nó eintitis eile (lena n-áirítear bainisteoirí na hearnála poiblí nó) a bhfuil sé de chúram orthu an cur chun feidhme a dhéanamh thar ceann an Choimisiúin in éineacht le hinfeisteoirí ó institiúidí airgeadais príobháideacha agus/nó ó institiúidí airgeadais poiblí.

5. Infheistíodh EFG i gcistí caipitil riosca idirmheánacha lena n-áirítear i gcistí cistí, ag cur infheistíochtaí ar fáil do FBManna agus iad ag forbairt agus ag fás. Infheistíochtaí fadtéarmacha a bheidh sna hinfeistíochtaí faoin EFG, i.e. is gnách go nglacfaidh siad suíomhanna 5 go 15 bliana i gcistí caipitil riosca. Ar aon nós, ní faide saolré na n-infheistíochtaí faoi EFG ná 20 bliain ón uair a shínítear an comhaontú idir an Coimisiún agus an t-eintiteas a gcuirtear de chúram air é a chur chun feidhme.

Airteagal 19

An tSaoráid Iasachta faoi Rátháíocht

1. Soláthrófar an méid seo a leanas leis an tSaoráid Iasachta faoi Rátháíocht (LGF):

(a) frithrátháíochtaí agus socrúithe eile roinnte riosca le haghaidh scéimeanna rátháíochta lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, comhrátháíochtaí;

(b) rátháíochtaí díreacha agus socrúithe eile roinnte riosca le haghaidh aon idirghabhálaithe airgeadais eile a shásaíonn na critéir incháilitheachta dá dtagraítear i mír 5.

2. Déanfar an LGF a chur chun feidhme mar chuid d'ionstraim amháin Aontais um maoiniú fiachais a thacóidh le fás agus T&N fhiontair an Aontais, agus úsáidfear an sásra céanna seachadta agus a úsáideann tairseach na Saoráide Fiachais do T&N atá ceangailte le héileamh FBManna faoi chlár Fís 2020 (RSI II).

3. Is éard a bheidh san LGF:

(a) rátháíochtaí do mhaoiniú fiachais (lena n-áirítear trí iasachtaí fo-ordaithe agus iasachtaí rannpháirteachais, léasú, nó rátháíochtaí bainc), trína laghdófar na deacrachtaí áirithe a bhíonn ag FBManna inmharthana maidir le maoiniú a fháil i ngeall ar an riosca ard a bhraitear leo nó an easpa comhthaobhachta leormhaithe atá ar fáil acu;

(b) urrúsú phunanna maoinithe fiachais na FBManna, trína slógfar breis maoinithe fiachais le haghaidh FBManna faoi shocrúithe roinnte riosca iomchuí i gcomhar leis na spriocinstiúidí. Beidh an tacaíocht do na hidirbhearta urrúsúcháin sin coinníollach ar ghealltanais ó na hinstiúidí tionscnaimh cuid shuntasach den toradh leachtachta nó den chaipiteal slógtha a úsáid le haghaidh iasachtaí nua do FBManna i dtréimhse réasúnta ama. Déanfar méid an mhaoinithe nua fiachais sin a ríomh maidir le méid an riosca punainne atá faoi rátháíocht. Déanfar an méid sin agus an tréimhse ama a idirbheartú ar bhonn leithligh le gach instiúid tionscnaimh faoi seach.

4. Beidh an LGF á oibriú ag an gCiste Eorpach Infheistíochta nó ag eintitis eile a bhfuil sé de chúram orthu an cur chun feidhme a dhéanamh thar ceann an Choimisiúin. Féadfaidh aibíocht suas le 10 mbliana a bheith ag rátháíochtaí aonair faoin LGF.

5. Déanfar incháilitheacht faoin LGF a chinneadh do gach idirghabhálaí ar bhonn a gcuid gníomhaíochtaí agus ar a éifeachtaí atá siad maidir le cabhrú le FBManna rochtain a fháil ar mhaoiniú do thionscadail inmharthana. Féadfaidh idirghabhálaithe leas a bhaint as LGF chun tacú le gnóthaí chun sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe agus caipiteal oibre a mhaoiniú, agus féadfar leas a bhaint as i gcomhair aistrithe gnó. Beidh idirbhearta aonair agus idirbhearta ildíoltóra mar aon le hidirbhearta ilnáisiúnta ar áireamh i gcritéir a bhaineann le hurrúsú phunanna maoinithe fiachais na FBManna. Is bunaithe ar na dea-chleachtais margaidh a bheidh an incháilitheacht, go háirithe maidir le cáilíocht chreidmheasa agus éagsúlú riosca na punainne urrúsaithe.

6. Cé is moite d'iasachtaí sa phunann urrúsaithe, déanfaidh an LGF iasachtaí go dtí EUR 150 000 le haibíocht íosta 12 mhí a chumhdach. Leis an LGF, cumhdófar freisin iasachtaí os cionn EUR 150 000 i gcásanna nach ndéanann na FBManna a chomhlíonann na critéir chun a bheith incháilithe faoi chlár COSME na critéir a chomhlíonadh chun a bheith incháilithe faoi thairseach FBManna i Saoráid Fiachais Chlár Fís 2020, agus le haibíocht íosta 12 mhí.

Os cionn na tairisí sin, is faoi na hidirghabhálaithe airgeadais a bheidh sé a léiriú an mbeidh an FBM incháilithe nó neamh-incháilithe faoi thairseach FBManna i Saoráid Fiachais Chlár Fís 2020.

7. Beidh an LGF ceaptha sa chaoi is go bhféadfar tuairisc a thabhairt ar na FBManna a fhaigheann tacaíocht, maidir le líon agus méid na n-iasachtaí ar aon.

Airteagal 20

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

1. Déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí lena n-áirítear, nuair a chuirtear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo chun feidhme, go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne calaoise, éillithe agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí mhéideanna a íocadh go míchuí a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis riaracháin agus airgeadais atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a chur i bhfeidhm.

2. Beidh cumhacht ag an gCoimisiún nó ag a ionadaithe agus ag an gCúirt Iniúcháirí, iniúchtaí a dhéanamh ar bhonn doiciméad agus seiceálacha ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, ar gach conraitheoir agus ar gach fochonraitheoir agus gach tríú páirtí eile a fuair cistí de chuid an Aontais faoin Rialachán seo.

3. Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) fiosrúcháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh 883/2013 ⁽¹⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle ⁽²⁾ d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éillíú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanfadh difear do leasanna airgeadais an Aontais maidir le comhaontú deontais nó cinneadh faoi dheontas nó conradh a cistíodh faoin Rialachán seo.

4. Gan dochar do mhír 1 ná do mhír 2 ná do mhír 3, beidh forálacha sna comhaontuithe comhair le tríú tíortha agus sna heagraíochtaí idirnáisiúnta agus sna conarthaí, sna comhaontuithe deontais agus sna cinntí deontais a eascróidh ón Rialachán seo a chur chun feidhme, lena gcumhachtófar go sainráite don Choimisiún, don Chúirt Iniúcháirí agus do OLAF iniúchtaí agus fiosrúcháin den sórt sin a dhéanamh i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí faoi seach.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 883/99 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le fiosrúcháin a dhéanann an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanann an Coimisiún d'fhonn leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus míréireachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

CAIBIDIL V

Coiste agus forálacha críochnaitheacha*Airteagal 21***Nós imeachta coiste**

1. Beidh coiste de chúnamh ag an gCoimisiún. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. I gcás nach dtugann an Coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fómhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 22***Gníomhartha tarmligthe**

1. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 maidir leis na táscairí breise a chuirtear leis na táscairí a luaitear sa liosta san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo nuair a d'fhéadfaí leis na táscairí sin cuidiú leis an dul chun cinn a thomhas ó thaobh cuspóirí ginearálta agus sonracha Chlár COSME a bhaint amach.
2. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 maidir le hathruithe ar mhionsonraí sonracha áirithe a bhaineann leis na hionstraimí airgeadais. Is iad na mionsonraí sin cion na hinfheistíochta ón EFG as iomlán na hinfheistíochta Aontais i gcistí caipitil fiontair chéadchéime agus comhdhéanamh na bpunann iasachtaí úrrúsaithe.
3. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 maidir le modhnuithe ar na méideanna tascacha a shonraítear in Airteagal 5(3), a d'fhágfadh go rachadh na modhnuithe ar na méideanna sin thar 5 % de luach an imchlúdaigh airgeadais i ngach cás, i gcás ina dtarlódh sé gur gá dul thar an teorainn sin.

*Airteagal 23***An tarmligeán a fheidhmiú**

1. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 11 Nollaig 2013.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

M. SCHULZ

2. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 22 ar feadh tréimhse seacht mbliana ón 23 Nollaig 2013.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 22 a chúlghairm tráth ar bith. Cuirfidh cinneadh cúlghairm a dhéanamh deireadh le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Tiocfaidh sé i bhfeidhm an lá tar éis fhoilsíú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 22 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 24***Aisghairm agus forálacha idirthréimhseacha**

1. Déantar Cinneadh Uimh. 1639/2006/CE a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.
2. Mar sin féin, aon ghníomhaíochtaí a thionscnaítear faoi Chinneadh Uimh. 1639/2006/CE agus aon oibleagáidí airgeadais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin, leanfaidh siad de bheith á rialú leis an gCinneadh sin go dtí go gcuirfeair i gcrích iad.
3. Féadfaidh an leithdháileadh airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5 na costais a bhaineann le cúnaimh teicneolaíochta agus riaracháin a theastaíonn chun an t-aistriú idir clár COSME agus na bearta a ghlacadh faoi Chinneadh Uimh. 1639/2006/CE a áirithiú freisin.

*Airteagal 25***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

IARSCRÍBHINN

TÁSCAIRÍ DO CHUSPÓIRÍ AGUS DO SPRIOCANNA GINEARÁLTA AGUS DO CHUSPÓIRÍ AGUS DO SPRIOCANNA SONRACHA

Cuspóir ginearálta:	1. Iomaíochas agus inbhuanaitheacht fhiontair an Aontais a neartú, go háirithe FBManna	
A. Táscaire Iarmharta ⁽¹⁾	Cúrsaí mar atá faoi láthair	Sprioc fhadtéarmach agus garsprioc (2020)
A.1. Feidhmiú na FBManna i dtaobh na hinbhuanaitheachta	Déanfar sin a thomhas ar bhonn rialta, mar shampla trí shuirbhé Eorabharaiméadair	Méadú ar chion na FBManna a tháirgíonn táirgí glasa, i.e. táirgí nach ndéanann dochar don chomhshaoil ⁽²⁾ i gcomparáid leis an mbonnlíne (an tomhas tosaigh)
A.2. Athruithe ar an ualach neamhriachtanach riaracháin agus rialála atá ar na FBManna nua agus ar na FBManna atá ann cheana ⁽³⁾	An líon laethanta a thóg sé FBM nua a chur ar bun in 2012: 5,4 lá oibre.	Laghdú mór ar líon na laethanta is gá le FBM nua a chur ar bun
	An costas a bhain le fiontar a nuathionscnamh in 2012: EUR 372	Laghdú mór ar mheánchostais an nuathionscanta san Aontas i gcomparáid leis an mbonnlíne
	Líon na mBallstát ina dtógann sé mí ceadúnais agus ceadanna (lena n-áirítear ceadanna comhshaoil) a fháil chun gníomhaíocht shonrach an fhiontair a thosú agus a fheidhmiú: 2	Ardú mór ar líon na mBallstát ina dtógann sé mí ceadúnais agus ceadanna (lena n-áirítear ceadanna comhshaoil) a fháil chun gníomhaíocht shonrach an fhiontair a thosú agus a fheidhmiú
	Líon na mBallstát ina raibh ionad ilfhreastail do nuathionscnamh gnólachta ina bhféadfadh fiontraithe na nósanna imeachta go léir is gá a chur i gcrích (e.g. clárú, cáin, CBL agus slándáil shóisialta) trí phointe aonair teagmhála, cibé an pointe teagmhála fisiciúil é (oifig) nó an ceann fíorúil é (an gréasán), nó an dá rud, in 2009: 18	Ardú mór ar líon na mBallstát ina bhfuil ionad ilfhreastail do nuathionscnamh gnólachta
A.3. Athruithe ar chion na FBManna atá ag onnmhairiú laistigh den Aontas nó taobh amuigh de	25 % de FBManna atá ag onnmhairiú agus 13 % de FBManna atá ag onnmhairiú taobh amuigh den Aontas (2009) ⁽⁴⁾	Ardú ar chion na FBManna atá ag onnmhairiú agus ardú ar chion na FBManna atá ag onnmhairiú lasmuigh den Aontas i gcomparáid leis an mbonnlíne
Cuspóir ginearálta:	2. Cultúr na fiontraíochta a spreagadh agus cruthú agus fás FBManna a chur chun cinn	
Táscaire Iarmharta	Cúrsaí mar atá faoi láthair	Sprioc fhadtéarmach agus garsprioc (2020)
B.1. Athruithe ar fhás na FBManna	In 2010, b'ionann láimhdeachas FBManna agus breis agus 58 % d'Oll-Bhreislúach iomlán an Aontais;	Méadú ar aschur na FBManna (breislúach) agus a gcuid fostaithe i gcomparáid leis an mbonnlíne
	Líon iomlán na bhfostaithe in FBManna in 2010: milliún (67 % de na poist san earnáil phríobháideach san Aontas)	
B.2. Méadú ar líon na saoránach san Aontas ar mhaith leo a bheith féinfhostaithe	Tomhaistear an figiúr sin gach dhá bhliain nó gach trí bliana trí shuirbhé Eorabharaiméadair. Is é 37 % an figiúr is déanaí a fuarthas in 2012 (45 % in 2007 agus in 2009).	Méadú ar líon na saoránach san Aontas ar mhaith leo a bheith féinfhostaithe i gcomparáid leis an mbonnlíne

Cuspóir sonrach:	Rochtain ar mhaoiniú do FBManna a fheabhsú i bhfoirm cothromais agus fiachais	
C. Ionstraimí Airgeadais le haghaidh fáis	An toradh is deireanaí atá ar eolas (bonnlíne)	Sprioc fhadtéarmach (2020)
C.1. Líon na ngnólachtaí atá ag baint tairbhe as maoiniú fiachais	Amhail ón 31 Nollaig 2012 EUR 13,4 billiún de mhaoiniú slógtha, a shroich 219 000 (Saoráid Ráthaíochta FBM (SMEG)).	Luach an mhaoiniú slógtha sa raon idir EUR 14,3 billiún agus EUR 21,5 billiún; líon na ngnólachtaí a fhaigheann iasachtaí a bhfuil ráthaíocht ó chlár COSME ag gabháil leo sa raon idir 220 000 agus 330 000.
C.2. Líon na n-infheistíochtaí VC ón gClár agus an méid iomlán a infheistíodh.	Amhail ón 31 Nollaig 2012 EUR 2,3 billiún de mhaoiniú caipitil fiontair slógtha chuig 289 FBM (an tSaoráid um Ardfhás agus um FBM Nuálaíoch, GIF)	Luach iomlán na n-infheistíochtaí caipitil fiontair sa raon idir EUR 2,6 billiún agus EUR 3,9 billiún; líon iomlán na ngnólachtaí a fhaigheann infheistíochtaí caipitil fiontair ón Chlár COSME sa raon idir 360 agus 540.
C.3. An Cóimheas luamhánaithe	An cóimheas luamhánaithe don saoráid SMEG 1:32 An cóimheas luamhánaithe don GIF 1:6,7	Ionstraim fiachais 1:20 - 1:30 Ionstraim cothromais 1:4 - 1:6 (5)
C.4. Breisiócht an EFG agus an LGF	Breisiócht an tSaoráid SMEG: Chuir 64 % de na tairbhíthe deiridh in iúl go raibh an tacaíocht rithábhachtach chun an maoiniú a bhí ag teastáil uathu a fháil Breisiócht an GIF: Chuir 62 % de thairbhíthe deiridh an GIF in iúl go raibh an tacaíocht rithábhachtach chun an maoiniú a bhí ag teastáil uathu a fháil	Méadú ar chion na dtairbhíthe deiridh a mheasann go soláthraíonn an EFG nó an LGF maoiniú nárbh fheidir a fháil ar bhealach eile i gcomparáid leis an mbonnlíne
Cuspóir sonrach:	Rochtain ar mhargaí a fheabhsú, go háirithe laistigh den Aontas ach ar an leibhéal domhanda freisin	
D. Comhar Tionsclaíoch Idirnáisiúnta	An toradh is deireanaí atá ar eolas (bonnlíne)	Sprioc fhadtéarmach (2020)
D.1. Líon na gcás ina bhfuil feabhas tagtha ar ailíniú rialachán an Aontais agus tríú tíortha maidir le táirgí tionsclaíocha	Meastar, maidir le comhar rialála leis na príomh-chomhpháirtithe trádála (SAM, an tSeapáin, an tSín, an Bhrasail, an Rúis, Ceanada, an India), go bhfuil ar an meán 2 réimse ábhartha ina ndearnadh ailíniú suntasach ar rialacháin theicniúla	4 réimse ábhartha san iomlán ina mbeidh ailíniú suntasach déanta ar rialacháin theicniúla leis na príomh-chomhpháirtithe trádála (SAM, an tSeapáin, an tSín, an Bhrasail, an Rúis, Ceanada, an India)
E. An Líonra Fiontar Eorpach	An toradh is deireanaí atá ar eolas (bonnlíne)	Sprioc fhadtéarmach (2020)
E.1. Líon na gcomhaontuithe comhpháirtíochta sínithe	Líon na gcomhaontuithe comhpháirtíochta sínithe: 2 475 (2012)	Líon na gcomhaontuithe comhpháirtíochta sínithe: 2 500 in aghaidh na bliana
E.2. Aitheantas don Líonra i measc phobal na FBManna	Tomhaisfear an t-aitheantas don Líonra i measc phobal na FBManna in 2015	Ardú san aitheantas a thugtar don Líonra i measc phobal na FBManna i gcomparáid leis an mbonnlíne
E.3. Ráta sástachta na gcliant (% na FBManna a deir go bhfuil siad sásta, breisluach na seirbhíse sonraí a sholáthraíonn an Líonra)	Ráta sástachta na gcliant (% na FBManna a deir go bhfuil siad sásta, breisluach na seirbhíse sonraí): 78 %	Ráta sástachta na gcliant (% na FBManna a deir go bhfuil siad sásta, breisluach na seirbhíse sonraí): > 82 %
E.4. Líon na FBManna a fhaigheann seirbhísí tacaíochta	Líon na FBManna a fhaigheann seirbhísí tacaíochta: 435 000 (2011)	Líon na FBManna a fhaigheann seirbhísí tacaíochta: 500 000 in aghaidh na bliana
E.5. Líon na FBManna a úsáideann seirbhísí digiteacha (lena n-áirítear seirbhísí faisnéise leictreonaí) a sholáthraíonn an Líonra	2 mhilliún FBM in aghaidh na bliana a úsáideann seirbhísí digiteacha	2,3 mhilliún FBM in aghaidh na bliana a úsáideann seirbhísí digiteacha

Cuspóir sonracha:	Feabhas a chur ar na coinníollacha creata ar mhaithe le hiomaíochas agus inbhuanaitheacht fhiontair an Aontais, go háirithe i gcás FBManna, sna hearnálacha uile, lena n-áirítear earnáil na turasoíreachta	
F. Gníomhaíochtaí chun iomaíochas a fheabhsú	An toradh is deireanaí atá ar eolas (bonnlíne)	Sprioc fhadtéarmach (2020)
F.1 Líon na mbeart simpliúcháin arna nglacadh	5 bheart simpliúcháin in aghaidh na bliana (2010)	7 mbeart simpliúcháin ar a laghad in aghaidh na bliana
F.2. An creat rialála a dhéanamh oiriúnach don fheidhm	Seoladh seiceálacha oiriúnachta ó 2010 i leith. Is é an t-aon seiceáil oiriúnachta ábhartha atá ann go dtí seo an treoirthionscadal maidir le "cineálcheadú mótarfheithiclí" atá ar bun faoi láthair	Suas le 5 sheiceáil oiriúnachta le seoladh in imeacht chlár COSME
F.3. Líon na mBallstát a bhfuil an tástáil ar dhíonadh ó thaobh an iomaíochais á húsáid acu	Líon na mBallstát a bhfuil an tástáil ar dhíonadh ó thaobh an iomaíochais á húsáid acu: 0	Ardú mór ar líon na mBallstát a mbeidh an tástáil ar dhíonadh ó thaobh an iomaíochais á húsáid acu
F.4. Gníomhaíochtaí maidir le héifeachtúlacht acmhainní (lena n-áireofar fuinneamh, ábhair nó uisce, athchúrsáil, etc) a bheidh ar bun ag FBManna	Déanfar sin a thomhas ar bhonn rialta, mar shampla trí shuirbhé Eorabharaiméadair	Ardú ar chion FBManna an Aontais a mbeidh gníomhaíocht amháin ar a laghad ar bun acu d'fhonn bheith níos tíosaí ar acmhainní (lena n-áireofar fuinneamh, ábhair nó uisce, athchúrsáil, etc) i gcomparáid leis an mbonnlíne (an tomhas tosaigh) Ardú ar chion FBManna an Aontais a mbeidh sé ar intinn acu gníomhaíochtaí breise a chur ar bun d'fhonn bheith níos tíosaí ar acmhainní (lena n-áireofar fuinneamh, ábhair nó uisce, athchúrsáil, etc) gach dhá bhliain i gcomparáid leis an mbonnlíne (an tomhas tosaigh)
G. Beartas FBM a fhorbairt	An toradh is deireanaí atá ar eolas (bonnlíne)	Sprioc fhadtéarmach (2020)
G.1. Líon na mBallstát a úsáideann tástáil FBManna	Líon na mBallstát a úsáideann tástáil FBManna: 15	Ardú mór ar líon na mBallstát a mbeidh tástáil FBManna á húsáid acu
Cuspóir sonracha:	Feabhas a chur ar na coinníollacha creata ar mhaithe le hiomaíochas agus inbhuanaitheacht fhiontair an Aontais, go háirithe i gcás FBManna, sna hearnálacha uile, lena n-áirítear earnáil na turasoíreachta	
H. Turasoíreachta	An toradh is deireanaí atá ar eolas (bonnlíne)	Sprioc fhadtéarmach (2020)
H.1. Rannpháirtíocht i dtionscadail chomhair thrasnáisiúnta	Trí thír atá cumhdaithe in aghaidh an tionscadail in 2011	Méadú ar líon na mBallstát a ghlacann páirt i dtionscadail chomhair thrasnáisiúnta a mhaoíonn Clár COSME i gcomparáid leis an mbonnlíne
H.2. Líon na gceann scríbe a ghlacann na múnláí maidir le forbairt inbhuanaithe turasoíreachta arna gcur chun cinn ag Cinn Scríbe Eorpacha Sármhaitheasa	Bronnadh stádas Cinn scríbe Eorpaigh Sármhaitheasa ar 98 ceann scríbe (20 in aghaidh na bliana ar an meán - 10 in 2007, 20 in 2008, 22 in 2009, 25 in 2010 agus 21 in 2011)	Glacfaidh breis agus 200 ceann scríbe na múnláí maidir le forbairt inbhuanaithe turasoíreachta a chuirtear chun cinn le Cinn Scríbe Eorpacha Sármhaitheasa (timpeall is 20 ceann in aghaidh na bliana)
I. Coincheapa Nua Gnó	An toradh is deireanaí atá ar eolas (bonnlíne)	Sprioc fhadtéarmach (2020)
I.1. Líon na dtairgí/seirbhísí nua sa mhargadh	Déanfar sin a thomhas ar bhonn rialta (Go dtí seo, ní raibh i gceist leis an ngníomhaíocht sin ach obair anailíseach ar scála teoranta)	Méadú ar líon carnach na dtairgí/seirbhísí nua i gcomparáid leis an mbonnlíne (an tomhas tosaigh)

Cuspóir sonracha:	Fiontraíocht agus cultúr na fiontraíochta a chur chun cinn	
J. Tacaíocht a thabhairt don fiontraíocht	An toradh is deireanaí atá ar eolas (bonnlíne)	Spríoc fhadtéarmach (2020)
J.1. Líon na mBallstát a chuireann réitigh fiontraíochta i bhfeidhm bunaithe ar dhea-chleachtas a saináithnítear tríd an gclár	Líon na mBallstát a chuireann réitigh fiontraíochta i bhfeidhm: 22 (2010)	Ardú mór ar líon na mBallstát a mbeidh réitigh fiontraíochta i bhfeidhm acu
J.2. Líon na mBallstát a chuireann réitigh fiontraíochta i bhfeidhm, ar réitigh iad lena ndírítear ar ábhar fiontraíochta, ar fhiontraíochta nua, ar fhiontraíochta ban, agus ar spriocghrúpaí sonracha eile	Glacann 12 mBallstát faoi láthair páirt i Líonra Eorpach na Meantóirí d'Fhiontraíochta Ban Tá straitéis shonrach faoi láthair ag 6 mBallstát agus 2 réigiún maidir le hOideachas Fiontraíochta, tá cuspóirí náisiúnta ionchorpraithe ag 10 mBallstát maidir le hoideachas fiontraíochta i straitéisí níos ginearálta foghlama ar feadh an tsaol agus tá straitéisí fiontraíochta a bplé faoi láthair in 8 mBallstát	Ardú mór ar líon na mBallstát a chuireann réitigh fiontraíochta i bhfeidhm, ar réitigh iad lena ndírítear ar ábhar fiontraíochta, ar fhiontraíochta nua, ar fhiontraíochta ban, agus ar spriocghrúpaí sonracha eile i gcomparáid leis an mbonnlíne.

- (1) Tagraíonn na táscairí seo d'fhorbairtí sa réimse beartais maidir le Fiontraíocht agus Tionscal. Ní hé an Coimisiún amháin atá freagrach as na spriocanna a bhaint amach. Tá réimse fachtóirí eile ann nach bhfuil neart ag an gCoimisiún orthu a dhéanann difear do thorthaí sa réimse beartais sin.
- (2) Is táirgí agus seirbhísí a bhfuil príomhfhéidhm acu an riosca don chomhshaoil a laghdú agus truailliú a íoslaghdú agus úsáid acmhainní a íoslaghdú iad táirgí agus seirbhísí glasa. Áirítear leis sin freisin táirgí a bhfuil gnéithe comhshaoil acu (éicea-dheartha, éicilipéadaithe, a tháirgtear ar bhealach órgánach, agus lena bhfuil cion tábhachtach díobh athchúrsáilte). Foinse: Flash Eurobarometer 342, "FBManna, Tíosach ar acmhainní agus na Margáí Glasa".
- (3) Sna Conclúidí ón gComhairle an 31 Bealtaine 2011 moladh do na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, an méid ama a thógann sé fiontair nua a chur ar bun a laghdú go trí lá oibre agus an costas a laghdú go EUR 100 faoi 2012, agus an t-am a chaitear le ceadúnais agus ceadanna a fháil chun gníomhaíocht shonrach an fhiontair a thosú agus a fheidhmiú a laghdú go trí mhí faoi dheireadh 2013.
- (4) "Idirnáisiúnu FBManna Eorpacha", EIM, 2010, http://ec.europa.eu/enterprise/policies/sme/market-access/files/internationalisation_of_european_smes_final_en.pdf
- (5) Beidh de thoradh ar EUR 1 ó bhuiséad an Aontais EUR 20-30 i maoiniú agus EUR 4-6 in infheistíochtaí cothromais ar feadh shaolré Chlár COSME.

**RIALACHÁN (AE) Uimh 1288/2013 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE
an 11 Nollaig 2013**

lena mbunaítear "Erasmus+": clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1719/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1720/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1298/2008/CE

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 165(4) agus Airteagal 166(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2011 "Buiséad don Eoraip" éilítear clár aonair i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt, lena n-áirítear gnéithe idirnáisiúnta an ardoideachais, ina dtabharfar le chéile an clár gníomhaíochta san earnáil um fhoghlaim ar feadh an tsaoil ("Foghlaim le haghaidh an tSaoil") a bunaíodh le Cinneadh Uimh. 1720/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾, agus clár um an Aos Óg i mBun Gníomhaíochta ("an tAos Óg i mBun Gníomhaíochta") a bunaíodh le Cinneadh Uimh. 1719/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾, clár gníomhaíochta Erasmus Mundus ("Erasmus Mundus") a bunaíodh le Cinneadh Uimh. 1298/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾, an clár ALFA III a bunaíodh le Rialachán Uimh. 1905/2006/CE

ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾, clár Tempus agus Edulink chun a áirithiú go mbainfear amach éifeachtúlacht níos mó, fócas straitéiseach níos láidre agus sineirgí a bhainfear leas astu idir na gnéithe éagsúla den chlár aonair. Ina theannta sin tá sé beartaithe spórt a chuimsiú mar chuid den chlár aonair sin (an "Clár").

(2) Sna tuarascálacha eatramhacha measúnaithe ar an gclár Foghlama ar feadh an tSaoil, ar an gclár "An tAos Óg i mBun Gníomhaíochta" agus ar chlár Erasmus Mundus, agus sa chomhairliúchán poiblí a reáchtáladh faoi gníomhaíocht an Aontais a dhéanfar amach anseo san oideachas, san oiliúint, san óige agus san ardoideachas, léiríodh go bhfuil gá mór agus, ar bhealach, gá atá ag éirí níos mó, le leanúint den chomhar agus den tsoghluais-teacht sna réimsí sin ar an leibhéal Eorpach. Sna tuarascálacha measúnaithe, leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé na naisc idir cláir an Aontais agus forbairtí beartais san oideachas, san oiliúint agus san óige a dhéanamh níos dlúithe, iarradh go ndéanfaí gníomhaíocht an Aontais a struchtúru sa chaoi is go bhfreagróidh sí níos fearr do pharaidím na foghlama ar feadh an tsaoil, agus éilíodh cur chuige níos simplí, níos áisiúla agus níos solúbtha maidir leis an ngníomhaíocht sin a chur chun feidhme, agus éilíodh deireadh a chur le hilroinnt na gclár um chomhar idirnáisiúnta ardoideachais.

(3) Ba cheart don Chlár díriú ar inrochtaineacht an mhaoinithe agus trédhearcacht na nósanna imeachta riaracháin agus airgeadais, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFCanna) agus digitíú. Tá sruthlíniú agus simpliú na heagraíochta agus na bainistíochta, agus fócas leanúnach ar chaiteachas riaracháin a laghdú, rithábhachtach chomh maith do rath an Chláir.

(4) Sa chomhairliúchán poiblí a reáchtáladh maidir le roghanna straitéiseach an Aontais chun inniúlacht nua an Aontais a chur chun feidhme i réimse an spóirt agus i dtuarascáil mheasúnaithe an Choimisiúin maidir le gníomhaíochtaí ullmhúcháin i réimse an spóirt, cuireadh táscairí áisiúla ar fáil maidir leis na réimsí tosaíochta le haghaidh gníomhaíocht an Aontais, agus léiríodh an breisluach a d'fhéadfadh an tAontas a sholáthar ó thaobh tacú le gníomhaíochtaí atá dírithe ar thaithí agus ar eolas faoi cheisteanna éagsúla a bhaineann leis an spórt ar an leibhéal Eorpach a ghiniúint, a chomhroinnt agus a scaipeadh, ar choinníoll go bhfuil siad dírithe go háirithe ar leibhéal an phobail.

⁽¹⁾ IO C 181, 21.6.2012, lch. 154.

⁽²⁾ IO C 225, 27.7.2012, lch. 200.

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Samhain 2013 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 3 Nollaig 2013.

⁽⁴⁾ Cinneadh Uimh. 1720/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2006 lena mbunaítear clár gníomhaíochta san earnáil um fhoghlaim ar feadh an tsaoil (IO L 327, 24.11.2006, lch. 45).

⁽⁵⁾ Cinneadh Uimh. 1719/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2006 maidir leis an gClár "An tAos Óg i mBun Gníomhaíochta" don tréimhse 2007 go 2013 (IO L 327, 24.11.2006, lch. 30).

⁽⁶⁾ Cinneadh Uimh 1298/2008/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear clár gníomhaíochta Erasmus Mundus 2009-2013 d'fheabhsú na cáilíochta in ardoideachas agus do chur chun cinn tuiscint idirchultúrtha trí chomhoibriú le tríú tíortha (IO L 340, 19.12.2008, lch. 83).

⁽⁷⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1905/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 lena mbunaítear Ionstraim Maoinithe le haghaidh Comhair um Fhorbairt (IO L 378, 27.12.2006, lch. 41).

- (5) Le straitéis Eoraip 2020 maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, sainítear straitéis fáis an Aontais le haghaidh na ndeich mbliana atá amach romhainn chun fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach den sórt sin a chothú. Leagtar amach inti cúig chuspóir uailmhianacha atá le baint amach faoin mbliain 2020, go háirithe i réimse an oideachais, chun rátaí luathfhágála na scoile a laghdú faoi bhun 10 % agus le cur ar chumas 40 % ar a laghad de dhaoine idir 30 agus 34 bliain d'aois oideachas tríú leibhéal nó a chomhionann a chríochnú. Áirítear inti freisin a tionscnamh suaitheanta, go háirithe "An Óige ag Bogadh" agus an Clár do Phoist agus do Scileanna Nua.
- (6) Ina conclúidí an 12 Bealtaine 2009, d'iarr an Chomhairle go mbunófaí creat straitéise le haghaidh comhair Eorpaigh maidir le hoideachas agus le hoiliúint (ET 2020), lena mbunófaí ceithre chuspóir straitéiseacha d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshlán atá ann i gcónaí maidir le hEoraip eolasbhunaithe a chruthú agus foghlaim ar feadh an tsaoil a chur ar fáil do chách.
- (7) De bhun Airteagal 8 agus Airteagal 10 den Chonradh ar Fheidhmiú ar an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus de bhun Airteagal 21 agus Airteagal 23 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, cuirtear chun cinn leis an gclár inter alia comhionannas idir fir agus mná agus bearta chun idirdhealú a chomhrac atá bunaithe ar inscne, ar bhunadh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar aois nó ar chlaonadh gnéasach. Tá gá le rochtain ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus ó ghrúpaí leochaileacha a leathnú agus aghaidh a thabhairt go gníomhach ar riachtanais speisialta foghlama na ndaoine faoi mhíchumas i gcur chun feidhme an Chláir.
- (8) Ba cheart a áireamh sa chlár gné láidir idirnáisiúnta go háirithe maidir leis an ardoideachas, ní amháin chun caighdeán an ardoideachais Eorpaigh a fheabhsú d'fhonn cuspoirí ET 2020 a bhaint amach agus chun an tAontas a dhéanamh níos mealltaí mar cheann scríbe staidéir, ach chun an chomhthuiscint idir daoine a chur chun cinn agus chun cur le forbairt inbhuanaithe an ardoideachais sna tíortha comhpháirtíochta freisin, chomh maith lena bhforbairt shocheacnamaíoch is leithne, inter alia trí scaipeadh lucht éirime a spreagadh trí ghníomhartha soghluaisteacha le náisiúnaigh tíortha comhpháirtíochta. Chun na críche sin, ba cheart maoiniú a chur ar fáil ón Ionstraim do Chomhar um Fhorbairt (ICF), ón Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht (IEC), ón Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (ICR) agus ón Ionstraim um Chomhpháirtíocht maidir le comhar le tríú tíortha (IC). Féadfar cistí a chur ar fáil ón gCiste Eorpach Forbraíochta (CEF) i gcomhréir leis na nósanna imeachta a rialaíonn é. Ba cheart go mbeadh feidhm ag forálacha an Rialacháin seo maidir le húsáid na gcistí sin, agus comhréir á háiritiú leis na Rialacháin faoi seach lena mbunaítear na hionstraimí sin agus an ciste sin.
- (9) Ina rún an 27 Samhain 2009 maidir le creat athnuaithe um chomhar Eorpach i réimse na hóige (2010-2018) leag an Chomhairle béim ar an ngá atá ann breathnú ar gach duine óg mar acmhainn sa tsochaí agus féachadh lena rannpháirtíocht a éascú i bhforbairt na mbeartas a dhéanfaidh difear dóibh trí idirphlé leanúnach struchtúrtha idir cinnteoirí agus daoine óga agus eagraíochtaí óige ar gach leibhéal.
- (10) Trí fhoghlaim fhoirmiúil, neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta a thabhairt le chéile in aon chlár amháin, ba cheart go gcruthófaí sineirgí agus go gcothófaí comhoibriú trasna na n-earnálacha éagsúla oideachais, oiliúna agus óige. Le linn an Clár a chur i bhfeidhm, ba cheart riachtanais shonracha na n-earnálacha éagsúla agus, i gcás inarb iomchuí, ról na n-údarás áitiúil agus réigiúnach a chur i gcuntas go cuí.
- (11) Chun an tsoghluaisteacht, an cothromas agus barr feabhais sa staidéar a chothú, ba cheart don Aontas, ar bhonn póilítach, Saoráid Ráthaíochta na nIasachtaí do Mhic Léinn le cur ar chumas mac léinn, beag beann ar a dtosca sóisialta, a gcéim mháistreachta a dhéanamh i dtír eile ina bhfuil rannpháirtíocht sa chlár ar oscailt (an "tír de chuid an Chláir"). Ba cheart do Shaoráid Ráthaíochta na nIasachtaí do Mhic Léinn a bheith ar fáil d'institiúidí airgeadais atá sásta iasachtaí a thairiscint chun staidéar máistreachta a dhéanamh i dtíortha eile de chuid an Chláir i dtéarmaí atá fabhrach do mhic léinn. Níor cheart go ngabhfadh an uirlis bhreise nuálach seo le haghaidh soghluaisteacht foghlama in ionad aon chóras deontais ná iasachta reatha a thacaíonn le soghluaisteacht mac léinn ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais, ná forbairt an chórais sa todhchaí a bhac. Ba cheart do Shaoráid Ráthaíochta na nIasachtaí do Mhic Léinn a bheith faoi réir dlúthfhairéacháin agus dlúthmheastóireachta, go háirithe maidir le glacadh sa mhargadh i dtíortha éagsúla. I gcomhréir le hAirteagal 21(2) agus (3), ba cheart tuarascáil mheastóireachta lár téarma a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle tráth nach déanaí ná deireadh 2017, d'fhonn treoir pholaitiúil a fháil maidir le leanúint ar aghaidh Shaoráid Ráthaíochta na nIasachtaí do Mhic Léinn.
- (12) Ba cheart do na Ballstáit féachaint le gach beart iomchuí a ghlacadh chun deireadh a chur le bacainní dlí agus riaracháin ar fheidhmiú ceart an Chláir. Áirítear leis seo, más féidir, saincheisteanna riaracháin a réiteach a chruthaíonn deacrachtaí i víosaí agus i gceadanna cónaithe a fháil. I gcomhréir le Treoir 2004/114/CE ón gComhairle⁽¹⁾, spreagtar na Ballstáit chun nósanna imeachta brostaithe um ligean isteach a bhunú.

⁽¹⁾ Treoir 2004/114/CE ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 maidir leis na coinníollacha faoina ligtear náisiúnaigh tríú tír isteach chun críocha staidéar, malartaithe daltaí, oiliúna neamhchúitithe nó seirbhíse deonaí (IO L 375, 23.12.2004, lch. 12).

- (13) Sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Meán Fómhair 2011 dar teideal "Ag tacú le fás agus poist – clár oibre chun córais ardoideachais na hEorpa a nuachóiriú", tá creat leagtha amach trína bhféadfaidh an tAontas, na Ballstáit agus na hinstiúidí ardoideachais comhoibriú le líon na gcéimithe a ardú, caighdeán an oideachais a fheabhsú agus féachaint chuige go rannchuideoidh an t-ardoideachas agus an taighde a mhéid is féidir chun cabhrú le geilleagair na mBallstát agus le sochaithe na mBallstát teacht slán ón ngéarchéim eacnamaíochta domhanda agus iad níos láidre fós.
- (14) D'fhonn aghaidh a thabhairt ar dhífhostaíochta óige san Aontas ar shlí níos fearr, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chomhar trasnáisiúnta idir instiúidí ardoideachais agus gairmoideachais agus gnóthaí, d'fhonn infhostaitheacht na mac léinn a fheabhsú agus scileanna fiontraíochta a fhorbairt.
- (15) Le Dearbhú Bologna, a shínigh na hAíre Oideachais ó 29 tír Eorpach an 19 Meitheamh 1999, bunaíodh próiseas idir-rialtasach arb é is aidhm dó limistéar Eorpach um ardoideachais a chruthú óna dteastaíonn tacaíocht leanúnach ar leibhéal an Aontais.
- (16) Aithnítear go forleathan an ról rithábhachtach a bhí ag gairmoideachas agus gairmoiliúint (GG) chun roinnt spriocanna a leagtar amach i straitéis Eoraip 2020 a bhaint amach agus mar a shainítear i bpróiseas athnuaite Chóbanhávan (2011-2020), go háirithe a poitéinseal á chur i gcuntas le linn aghaidh a thabhairt ar leibhéal ard dífhostaíochta na hEorpa, go háirithe dífhostaíocht óige agus dífhostaíocht fhadtéarmach, cultúr foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn, dul i ngleic le heisiámh sóisialta agus saoránacht ghníomhach a chur chun cinn. Tá cúrsaí oiliúna agus printíseachtaí ar ardchaighdeán, lena n-áirítear i micreafhiontair agus i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide, de dhíth chun an bhearna idir an t-eolas a fuarthas trí oideachas agus oiliúint agus na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá i saol na hoibre, chomh maith le feabhas a chur ar infhostaitheacht daoine óga.
- (17) Is gá an comhar Eorpach idir scoileanna, agus soghluais-teacht na bhfoirne scoile agus na bhfoghlaimoírí a neartú agus a dhéanamh níos líonmhaire d'fhonn dul i ngleic leis na tosaíochtaí atá leagtha amach sa Chlár Oibre le haghaidh Comhair Eorpaigh maidir le scoileanna i gcomhair an 21ú haois, eadhon feabhas a chur ar chaighdeán an oideachais scoile san Aontas i réimsí na forbartha inniúlachtaí agus d'fhonn an cothromas agus cuimsiú sna córais agus sna hinstiúidí scoile a fheabhsú, agus chun gairm na múinteoireachta agus ceannasaíochta na scoileanna a threisiú agus tacaíocht a sholáthar dóibh. Sa chomhthéacs seo, ba cheart tosaíocht a thabhairt do na spriocanna straitéiseacha maidir le ráta luathfhágála na scoile a laghdú, le feidhmíocht i mbunscileanna a fheabhsú, le rannpháirtíocht agus le caighdeán an oideachais agus an chúraim luath-óige a fheabhsú, agus mar aon leis na spriocanna chun inniúlachtaí gairmiúla na múinteoirí scoile agus na gceannairí scoile a láidriú, agus feabhas a chur ar na deiseanna oideachais do leanaí a mbaineann cúlra imirceach leo agus na leanaí sin atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch.
- (18) Is é is aidhm don Chlár Oibre Eorpach athnuaite d'Fhoghlaim Aosach atá ar áireamh i Rún ón gComhairle an 28 Samhain 2011 a chur ar chumas gach aosáigh a gcuid scileanna agus inniúlachtaí a fheabhsú i rith a saoil. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar fheabhas a chur ar dhiseanna foghlama don líon ard Eorpach atá ar bheagán oiliúna, go háirithe trí fheabhas a chur ar litearthacht agus ar uimhearthacht agus trí chonairí foghlama solúbtha agus bearta athdheise a chur chun cinn.
- (19) Fóram Eorpach na hÓige, na Lárionaid Faisnéise Náisiúnta um Aitheantas Acadúil (NARIC), na líonraí Eurydice, Euroguidance agus Eurodesk, mar aon leis na Seirbhísí Tacaíochta Náisiúnta um Ríomhnascadh, Lárionaid Náisiúnta Europass, agus na hOifigí Faisnéise Náisiúnta sna tíortha comharsanachta, is fíor-riachtanach go ndéanfaidh siad siúd gníomhaíocht d'fhonn cuspóirí an chláir a bhaint amach, go háirithe trí fhaisnéis nuashonraithe a sholáthar don Choimisiún ar bhonn rialta maidir lena réimsí éagsúla gníomhaíochta agus trí thorthaí an Chláir a scaipeadh san Aontas agus sna tíortha comhpháirtíochta.
- (20) Ba cheart comhar faoin gClár agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt, go háirithe i gcomhpháirt le Comhairle na hEorpa, a neartú.
- (21) D'fhonn rannchuidiú le barr feabhais a fhorbairt i staidéir um lánpháirtíocht Eorpach ar fud an domhain agus chun freagairt don ghá atá ag méadú le haghaidh eolais, agus idirphlé ar an bpróiseas lánpháirtíochta Eorpaí agus ar a fhorbairt, tá sé tábhachtach chun sármhaitheas a spreagadh sa teagasc, sa taighde agus sa mhachnamh sa réimse seo trí thacú le hinstiúidí acadúla nó le cumainn atá gníomhach i réimse na lánpháirtíochta Eorpaí, agus comhlachais ag a mbeidh aidhm leasa Eorpaigh, trí Ghníomh Jean Monnet.
- (22) Tá comhoibriú faoin gClár agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais fíorthábhachtach chun mothú úinéireachta leithne a chruthú i dca le straitéisí agus faoi bheartais foghlama ar feadh an tsaoil agus chun tuairimí agus ábhair inní geallsealbhoírí a chur san áireamh ar gach leibhéal.

- (23) Leis an teachtaireacht ón gCoimisiún "An Ghné Eorpach den Spórt a Fhorbairt" an 18 Eanáir 2011, tá leagtha amach smaointe an Choimisiúin maidir le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais i réimse an spóirt tar éis do Chonradh Liospóin teacht i bhfeidhm, agus moltar ann liosta de ghníomhaíochtaí tairbhíúla a bheidh le glacadh ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit chun céannacht spóirt na hEorpa a mhéadú i dtír chaibidil leathana: ról an spóirt sa tsochaí, an ghné eacnamaíoch a bhaineann leis an spórt agus eagrúchán an spóirt. Is gá a chur i gcuntas freisin luach breise an spóirt, lena n-áirítear spórt dúchasach, agus a rannchuidiú le hoidhreacht chultúrtha agus stairiúil an Aontais.
- (24) Tá gá le díriú go háirithe ar spórt an phobail agus obair dheonach i spórt i ngeall ar an ról tábhachtach a imríonn siad i gcur chun cinn cuimsiú sóisialta, comhdheiseanna agus gníomhaíocht fhisiciúil chun sláinte a fheabhsú.
- (25) Trí bhíthin cáilíochtaí agus inniúlachtaí a dhéanamh níos trédhearcáil agus níos aitheanta agus a mhéid a ghlactar le huirlisí trédhearcachta agus aitheantais an Aontais a leathnú, ba cheart go gcuirfí le héascú na soghluaisteachta, rud a chuideoidh chun oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán a fhorbairt, agus a éascóidh an tsoghluasteacht ar fud na hEorpa chun críocha foghlama ar feadh an tsoil agus chun críocha gairme, idir tíortha agus thar earálacha araon. Trí bhíthin rochtain a thabhairt ar na modhanna, ar na cleachtais agus ar na teicneolaíochtaí a úsáidtear i dtíortha eile, cabhrófar le hinfhostaitheacht a fheabhsú.
- (26) Chuige sin, moltar leathnú a dhéanamh ar úsáid chreata aonair an Aontais do thrédhearcacht cáilíochtaí agus inniúlachtaí (Europass) arna bunú le Cinneadh Uimh. 2241/2004/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, an Chláir Eorpaigh um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas (EQAR) agus an Cumann Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas (ENQA) arna bhunú de bhun Mholadh 2006/143/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí (CEC) arna bhunú de bhun an Mholta ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 ⁽³⁾, an Chórais Creidmheasa Eorpaigh don Ghairmoideachas agus don Ghairmoiliúint (ECVET) arna bhunú de bhun an Mholta ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 ⁽⁴⁾ agus an Chreata Tagartha Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta i nGairmoideachas agus i nGairmoiliúint (EQAVET) arna bhunú de bhun an Mholta ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 ⁽⁵⁾ agus an Chórais Eorpaigh d'Aistriú Creidmheasa (ECTS).
- (27) D'fhonn an chumarsáid leis an phobal i gcoitinne a dhéanamh níos éifeachtaí agus d'fhonn treisiú leis na sineirgí idir gníomhaíochtaí cumarsáide a dhéantar ar thionscnamh an Choimisiúin, ba cheart go rannchuideodh na hacmhainní a leithdháiltear ar ghníomhartha cumarsáide faoin Rialachán seo le cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais Eorpaigh a chumhdach, ar an gcoinníoll go bhfuil siad sin bainteach le cuspóirí ginearálta an Rialacháin seo.
- (28) Is gá breisluach Eorpach na ngníomhaíochtaí uile a dhéantar faoi chuimsiú an Chláir a áirithiú, mar aon le comhlántacht le gníomhaíochtaí na mBallstát i gcomhlíonadh Airteagal 167(4) CFAE agus comhlántacht le gníomhaíochtaí eile, go háirithe i réimsí an chultúir, na meán, na fostaíochta, an taighde agus na nuálaíochta, an tionscail agus an fhiontair, an bheartais chomhtháthaithe agus forbartha, chomh maith le beartas méadaithe agus tionscnaimh, ionstraimí agus straitéisí i réimse an bheartais réigiúnaigh agus an chaidrimh sheachtraigh.
- (29) Tá an Clár deartha chun tionchar dearfach agus inbhuanaithe a bheith aige ar bheartais agus ar chleachtais an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt. Ba cheart an tionchar sistéamach sin a bhaint amach trí na gníomhaíochtaí éagsúla agus na gníomhaíochtaí atáthar ag brath a dhéanamh leis an gClár, a dhíríonn ar athruithe a chothú ar an leibhéal institiúideach agus, i gcás inarb iomchuí, gurb é a bheidh mar thoradh air nuálaíocht ar leibhéal an chórais. Ní cheanglaítear ar thionscadail aonair a bhfuil tacaíocht airgeadais á lorg ina leith ón gClár go mbeidh aon tionchar sistéamach mar sin. Is é toradh carnach na dtionscadal sin ba cheart a chur leis an tionchar sistéamach a bhaint amach.
- (30) D'fhonn an fheidhmíocht a bhainistiú go héifeachtach, lena n-áirítear meastóireacht agus faireachán a dhéanamh, ní mór táscairí sonracha, intomhaiste agus réadúla feidhmíochta a fhorbairt ar féidir iad a thomhas le himeacht ama, agus a léiríonn loighic na hidirghabhála.
- (31) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit úsáid TFCanna agus teicneolaíochtaí nua a optamú d'fhonn rochtain ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le hoideachas, le hoiliúint, le hóige agus le spórt a éascú. D'fhéadfadh soghluaisteacht fhíoriúil a bheith ar áireamh anseo, ar cheart di soghluaisteacht foghlama a chomhlánú, ach gan í a ionadú.

⁽¹⁾ Cinneadh Uimh. 2241/2004/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le creat aonair Comhphobail do thrédhearcacht cáilíochtaí agus inniúlachtaí (Europass) (IO L 390, 31.12.2004, lch. 6).

⁽²⁾ Treoir 2006/143/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2006 maidir le breis comhair Eorpaigh i ndearbhú cáilíochta san ardoideachas (IO L 64, 4.3.2006, lch. 60).

⁽³⁾ Moladh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le bunú an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí d'fhoghlaim ar feadh an tsoil (IO L 111, 6.5.2008, lch. 1).

⁽⁴⁾ Moladh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le bunú Córais Eorpaigh um Chreidmheas do Ghairmoideachas agus do Ghairmoiliúint (ECVET) (IO L 155, 8.7.2009, lch. 11).

⁽⁵⁾ Moladh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le bunú Córais Eorpaigh um Chreidmheas do Ghairmoideachas agus do Ghairmoiliúint (IO C 155, 8.7.2009, lch. 1).

- (32) Leagtar síos leis an Rialachán seo imchládach airgeadais do ré iomlán an Chláir. arb éard a bheidh ann an méid príomhthagartha, de réir bhrí Phointe 17 den Chomhaontú Idirinstiúideach idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar um chúrsaí buiséadacha agus maidir le bainistíocht fhóna airgeadais ⁽¹⁾, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.
- (33) D'fhonn leanúnachas a áirithiú sa tacaíocht airgeadais a chuiretear ar fáil faoin gClár d'fheidhmiú comhlachtaí, ba cheart go bhféadfadh an Coimisiún, le linn chéim tosaigh an C hláir, a cheapeadh gur incháilithe le haghaidh maoinithe iad na costais atá nasctha go díreach le cur chun feidhme na gníomhaíochtaí a thacaítear leo, fiú más rud é gur tabhaíodh iad ag an tairbhí sular tíolacadh an t-iarratas ar mhaoiniú.
- (34) Tá gá le critéir feidhmíochta a bhunú ar cheart leithdháileadh cistí buiséid idir na Ballstáit le haghaidh na gníomhaíochtaí a bhainistíonn na Gníomhaireachtaí Náisiúnta a bheith bunaithe orthu.
- (35) Féadfaidh na tíortha is iarrthóirí ar aontachas leis an Aontas agus na tíortha sin de chuid Comhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) ar chuid den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) iad páirt a ghlacadh i gcláir an Aontais ar bhonn comhaontuithe réime, cinntí ó Chomhairlí Comhlachais nó comhaontuithe eile dá samhail.
- (36) Féadfaidh Cónaidhm na hEilvéise páirt a ghlacadh i gcláir an Aontais i gcomhréir le comhaontú atá le síniú idir an tAontas agus an tír sin.
- (37) Féadfaidh daoine ó thír nó ó chríoch thar lear (TCT) agus le comhlachtaí agus le hinstiúidí inniúla poiblí agus/nó príobháideacha ó TCT páirt a ghlacadh sna cláir i gcomhréir le Cinneadh 2001/822/CE ón gComhairle ⁽²⁾. Ba cheart na srianta a fhorchuirtear le hiargúlacht na réigiún is forimeallaí den Aontas agus na TCTanna a chur i gcuntas nuair a chuirfean an Clár chun feidhme.
- (38) Ina gComh-Theachtaireacht dar teideal "Freagairt nua ar chomharsanacht atá ag athrú" an 25 Bealtaine 2011 leag Ardionadaí an Aontais Eorpaigh do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus an Coimisiún Eorpach, amach, *inter alia*, aidhm rannpháirtíocht na dtíortha comharsanachta i ngníomhaíochtaí an Aontais maidir le soghluaisteacht agus forbairt acmhainní san ardoideachas a éascú tuilleadh agus an chéad chlár eile oideachais a oscailt do thíortha comharsanachta.
- (39) Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha ar feadh an timthrialla caiteachais, lena n-áirítear neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a fhiosrú, gnóthú cistí a cailleadh, a íocadh nó a úsáideadh go mícheart agus, i gcás inarb iomchuí, pionóis. Cé go
- dteastaíonn níos mó maoinithe ó chúnamh seachtrach an Aontais, tá na hacmhainní atá ar fáil don tacaíocht sin teoranta mar gheall ar chás eacnamaíoch agus buiséadach an Aontais. Ba cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, féachaint leis an úsáid is éifeachtúla agus inbhuanaithe is féidir a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil, go háirithe trí úsáid a bhaint as ionstraimí airgeadais a bhfuil éifeacht ghairála acu.
- (40) D'fhonn rochtain ar an gClár a fheabhsú, ba cheart na deontais chun tacú le soghluaisteacht an duine aonair a choigeartú ar chostais mhaireachtála agus chothaithe na tíre aíochta. I gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chomh maith chun na deontais sin a dhíolmhú ó aon chánacha agus tobhaigh shóisialta. Beidh feidhm ag an díolúine chéanna maidir le comhlachtaí poiblí nó príobháideach a dhámhann tacaíocht airgeadais den sórt sin do na daoine aonair lena mbaineann.
- (41) I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, féadfar am deonach a aithint mar chómhaoiniú i bhfoirm ranníocaíochtaí comhchineáil.
- (42) Sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2011 dar teideal "Buiséad don Eoraip 2020", leagann an Coimisiún béim ar a ghealltanais do chistiú an Aontais a shimpliú. Trí bhíthin clár aonair a chruthú maidir le hoideachas, le hoiliúint, leis an óige agus leis an spórt, ba cheart go ndéanfaí foráil do shimpliú mór, do chuíchóiriú agus do shineirgí i mbainistiú an Chláir. Ba cheart cur chun feidhme an Chláir a shimpliú níos mó fós trí bhíthin cistiú cnapshuime, cistiú de réir costais aonaid nó cistiú ráta chomhréidh a úsáid, chomh maith leis na ceanglais fhoirmiúla agus mhaorlathacha atá ar na tairbhíthe agus ar na Ballstáit a laghdú.
- (43) Ba cheart gurb iad na bprionsabail threoracha chun cuspóirí an Chláir a bhaint amach ná feabhas a chur ar chur chun feidhme agus ar chaighdeán na gcaiteachas, fad a áirithítear úsáid optamach na n-acmhainní airgeadais.
- (44) Tá sé tábhachtach go n-áiríteofar bainistíocht fhóna airgeadais an Chláir agus a cur chun feidhme ar an mbealach is éifeachtaí agus is cairdiúla don úsáideoir, agus deimhneacht dhlíthiúil agus inrochtaineacht an Chláir do gach rannpháirtí á n-áirithiú ag an am céanna.
- (45) D'fhonn a áirithiú go bhféadfar freagairt go sciobtha do riachtanais athraithe le linn fhad tréimhse an Chláir, ba cheart cumhacht a tharmligean don Choimisiún chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE i ndáil le forálacha a bhaineann le gníomhaíochtaí breise a bhainistíonn na gníomhaireachtaí náisiúnta.

⁽¹⁾ IO C 373, 20.12.2013, lch. 1

⁽²⁾ Cinneadh 2001/822/EC ón gComhairle an 27 Samhain 2001 maidir le comhlachas na dtíortha thar lear agus na gcríoch leis an gComhphobal Eorpach ("Cinneadh Cumann Thar Lear") (IO L 314, 30.11.2001, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1).

Tá sé rithábachtach go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí mar chuid den obair ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmilgthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.

- (46) Chun dálaí aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.
- (47) Ba cheart go gcumhdófaí leis an gClár trí réimse dhifriúla, agus ba cheart go ndéileálfadh an coiste a bhunaítear faoin Rialachán seo le saincheisteanna cothrománacha agus earnála araon. Is faoi na Ballstáit a áirithiú go gcuirfidh siad na hionadaithe ábhartha chun freastal ar chruinnithe an choiste sin i gcomhréir leis na hábhair a bheidh ar chlár an choiste, agus is faoi chathaoirleach an choiste a áirithiú go gcuirfear in iúl go soiléir ar chlár na gcruinnithe an earnáil, nó na hearnálacha, a bheidh i gceist agus na hábhair, de réir earnála, a bheidh le plé le linn gach cruinnithe. I gcás inarb iomchuí, agus i gcomhréir le rialacha nós imeachta an choiste agus ar bhonn ad hoc, ba cheart go bhféadfaí cuireadh a thabhairt do shaineolaithe seachtracha, lena n-áirítear ionadaithe na gcomhpháirtithe sóisialta, chun a bheith rannpháirteach i gcruinnithe coiste i gcáil breathnóirí.
- (48) Is iomchuí a áirithiú go gcuirfear deireadh ceart leis an gClár, go háirithe maidir lena bheith ag leanúint de shocruithe ilbhliantúla maidir le bainistiú an Chláir, amhail cúnaimh teicniúil agus riaracháin a mhaoiniú. Ón 1 Eanáir 2014 amach, ba cheart, más gá, a áirithiú leis an gcúnaimh teicniúil agus riaracháin go mbainisteofaí na gníomhaíochtaí nach bhfuil tugtha chun críche faoi na cláir ba réamhtheachtaithe faoi dheireadh 2013.
- (49) Ós rud é nach féidir cuspóir an Rialacháin seo, eadhon an Clár a bhunú, a bhaint amach go leordhóthanach ag na Ballstáit ach gur fearr, dá bhrí sin, i ngeall ar a scála agus a éifeachtaí, is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, amhail a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, amhail a leagtar amach san Airteagal sin é, ní rachaidh an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.
- (50) Ba cheart, mar sin, Cinneadh Uimh. 1719/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1720/2009/CE agus Cinneadh Uimh. 1298/2008/CE a aisghairm.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (51) D'fhonn leanúnachas a áirithiú i dtaca leis an tacaíocht chistiúcháin a chuirtear ar fáil faoin gClár, ba cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2014. Ar chúiseanna práinne, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm a luath agus is féidir tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta

Airteagal 1

Raon feidhme an Chláir

1. Bunaítear leis an Rialachán seo clár maidir le gníomhaíocht an Aontais i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt ar a dtugtar "Erasmus +" (an "Clár").
2. Cuirfear an Clár chun feidhme le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020.
3. Cumhdófar leis an gClár na réimsí seo a leanas, fad a urramófar struchtúir agus riachtanais shonracha na n-earnálacha éagsúla sna Ballstáit:
 - (a) oideachas agus oiliúint ar gach leibhéal, maidir le foghlaim ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear oideachas scoile (Comenius), ardoideachas (Erasmus), ardoideachas idirnáisiúnta (Erasmus Mundus), gairmoideachas agus gairmoiliúint (Leonardo da Vinci) agus foghlaim aosach (Grundtvig);
 - (b) óige (An Óige i mBun Gníomhaíochta), go háirithe i gcomhthéacs na foghlama neamhfhoirmiúla agus neamhfhoirmeálta;
 - (c) spóirt, go háirithe spóirt an phobail.

Airteagal 2

Mínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn "foghlaim ar feadh an tsaoil" an t-oideachas ginearálta, an gairmoideachas nó an ghairmoiliúint, foghlaim neamhfhoirmiúil nó an fhoghlaim neamhfhoirmiúil ar fad a dhéantar i rith an tsaoil, arb é an toradh atá uirthi, scileanna nó inniúlachtaí nó rannpháirtíocht sa tsochaí a fheabhsú ó thaobh cúrsaí pearsanta, cúrsaí sibhialta, cúrsaí cultúrtha, cúrsaí sóisialta agus/nó ó thaobh na fostaíochta de, lena n-áirítear soláthar seirbhísí comhairliúcháin nó treorach;

- (2) ciallaíonn "foghlaim neamhfhoirmiúil" foghlaim a bhíonn ar siúl trí ghníomhaíochtaí pleanáilte (i dtéarmaí cuspóirí foghlama agus am foghlama) i gcás ina bhfuil foirm éigin de thacaíocht foghlama i láthair (e.g. caidreamh mac léinn-múinteoir), ach nach bhfuil mar chuid den oideachas foirmiúil agus den chóras oiliúna;
- (3) ciallaíonn "foghlaim neamhfhoirmiúil" foghlaim mar thoradh ar ghníomhaíochtaí laethúla a bhaineann le hobair, le teaghlach nó le fóillíocht agus nach bhfuil eagraithe ná struchtúraithe i dtéarmaí cuspóirí, ama nó tacaíochta foghlama; d'fhéadfadh sé a bheith neamhbhear-taithe ó thaobh an fhoghlaiméora;
- (4) ciallaíonn "idirphlé struchtúrtha" an t-idirphlé struchtúrtha le daoine óga agus le heagraíochtaí óige, is fóram do mhachnamh leanúnach frithpháirteach ar thosaíochtaí, ar chur chun feidhme agus ar an obair leantach a bhaineann le comhar Eorpach i réimse na hóige.
- (5) baineann "trasnáisiúnta", mura léirítear a mhalairt, le haon ghníomh lena mbaineann dhá thír de chuid an Chláir ar a laghad amhail dá dtagraítear in Airteagal 24(1);
- (6) baineann "idirnáisiúnta" le haon ghníomhaíocht lena ngabhfaidh tír amháin de chuid an Chláir ar a laghad agus tríú tír amháin ("tír comhpháirtíochta") ar a laghad;
- (7) ciallaíonn "soghluaisteacht foghlama" bogadh go fisiceach go tír eile nach í an tír chónaithe í, d'fhonn staidéar, oiliúint nó foghlaim neamhfhoirmiúil nó neamhfhoirmeálta a ghabháil ar láimh; féadfaidh sé a bheith i bhfoirm tréimhsí oiliúna, printíseachtaí, malartuithe ógra, obair dheonach, teagasc nó páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht ghairmiúil forbraíochta. d'fhéadfadh sí gníomhaíochtaí ullmhúcháin, amhail oiliúint sa teanga áochta a chuimsiú, mar aon le gníomhaíochtaí seolta, óstála agus gníomhaíochtaí a leanann ón méid sin.
- (8) Ciallaíonn "comhar maidir le nuálaíocht agus le deachleachtais a mhalartú" tionscadail um chomhar trasnáisiúnta agus idirnáisiúnta a mbíonn eagraíochtaí atá gníomhach i réimsí an oideachais, na hoiliúna agus/nó na hóige páirteach iontu, agus d'fhéadfadh eagraíochtaí eile a bheith ar áireamh ann;
- (9) Ciallaíonn "tacaíocht d'athchóiriú beartas" aon chineál gníomhaíochta arb é is aidhm di nuachóiriú na gcóras oideachais agus oiliúna a éascú, chomh maith le tacaíocht do bheartas Eorpach um an óige a fhorbairt trí bhíthin phróiseas an chomhair bheartais idir na Ballstáit, go háirithe Modh Oscailte Comhordúcháin agus an t-idirphlé struchtúraithe le daoine óga;
- (10) ciallaíonn "soghluaisteacht fhíoriúil" agus tacar gníomhaíochtaí a dtacaíonn teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide leo, lena n-áirítear ríomhfhoghlaim, arna n-eagrú ar leibhéal institiúideach, a bhaineann amach nó a éascaíonn taithí chomhoibrítheach trasnáisiúnta agus/nó idirnáisiúnta i gcomhthéacs an teagaisc agus/nó na foghlama;
- (11) ciallaíonn "baill foirne" daoine atá páirteach san oideachas, san oiliúint nó san fhoghlaim neamhfhoirmiúil don aos óg, bíodh sé ar bhonn gairmiúil nó deonach. agusféadfaidh ollúna, múinteoirí, oiliúnóirí, ceannairí scoile, oibríthe don ógra agus baill foirne nach mbíonn ag plé go díreach leis an oideachas a bheith ar áireamh inti;
- (12) ciallaíonn "oibrí don ógra" gairmí nó saorálai atá páirteach san fhoghlaim neamhfhoirmiúil agus tacú le daoine óga maidir lena bhforbairt shochoideachasúil agus ghairmiúil phearsanta;
- (13) ciallaíonn "daoine óga" daoine atá idir trí bliana déag d'aois agus tríocha bliain d'aois;
- (14) ciallaíonn "institiúid ardoideachais":
- (a) aon sórt institiúide ardoideachais, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta, a chuireann céimeanna aitheanta nó cáilíochtaí aitheanta eile tríú leibhéal ar fáil, is cuma cad a ghairtear de na hinstitiúidí sin;
- (b) aon institiúid, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta, a chuireann gairmoideachas nó gairmoiliúint tríú leibhéal ar fáil;
- (15) ciallaíonn "comhchéimeanna" clár comhtháite staidéir a chuireann dhá institiúid ardoideachais ar a laghad ar fáil a bhfuil teastas céime amháin mar thoradh air arna eisiúint agus arna shíniú ag gach ceann de na hinstitiúidí rannpháirteacha le chéile agus a aithnítear go hoifigiúil sna tíortha ina bhfuil na hinstitiúidí rannpháirteacha;
- (16) ciallaíonn "céim dhúbailte/ilchéim" clár staidéir a chuireann dhá institiúid ardoideachais ar a laghad (céim dhúbailte) nó níos mó institiúidí ardoideachais (ilchéim) ar fáil ina bhfaigheann an mac léinn teastas céime ar leith ó gach ceann de na hinstitiúidí rannpháirteacha ar an gclár staidéir a bheith críochnaithe;
- (17) ciallaíonn "gníomhaíocht óige" gníomhaíocht a dhéanann daoine óga, ina n-aonair nó mar chuid de ghrúpa, lasmuigh d'uaireanta scoile (amhail malartuithe ógra nó obair dheonach nó oiliúint óige), go háirithe trí eagraíochtaí óige, agus arb é a príomhthréith cur chuige neamhfhoirmiúil maidir leis an bhfoghlaim;
- (18) ciallaíonn "comhpháirtíocht" comhaontú idir grúpa institiúidí agus/nó eagraíochtaí i dtíortha éagsúla de chuid an Chláir chun comhghníomhaíochtaí Eorpacha a dhéanamh i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt nó chun gréasán neamhfhoirmiúil a bhunú i réimse ábhartha amhail comhthionscadail foghlama do dhaltaí agus dá múinteoirí i bhfoirm malartuithe ranga agus soghluaisteachta fadtéarmaí aonair, dianchlár san ardoideachas agus comhoibriú idir údarais réigiúnacha agus áitiúla chun an comhar idir-réigiúnach, lena n-áirítear trasteorann, a chothú; féadfar é a leathnú chun institiúidí agus/nó eagraíochtaí ó thíortha comhpháirtíochta d'fhonn cáilíocht na comhpháirtíochta a neartú;

- (19) ciallaíonn "inniúlachtaí lárnacha" an tacar bunúsach sin d'eolas, de scileanna agus de mheonta a theastaíonn ó gach duine ar mhaithe le féinchoimhlíonadh agus féinfhorbairt, saoránacht ghníomhach, cuimsiú sóisialta agus fostaíocht, mar a thuairiscítear i Moladh 2006/962/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾;
- (20) ciallaíonn "Modh Oscailte Comhordúcháin"(MOC) modh idir-rialtasach lena gcuirtear creat ar fáil le haghaidh comhair idir na Ballstáit, ar féidir a mbeartais náisiúnta a dhíriú ar chuspóirí comhchoiteanna áirithe ar an gcaoi sin. Faoi raon feidhme an Chláir seo, tá feidhm ag an Modh Oscailte Comhordúcháin maidir leis an oideachas, leis an oiliúint agus leis an óige;
- (21) ciallaíonn "uirlisí trédhearcachta agus aitheantais an Aontais" ionstraimí a chuidíonn le geallsealbhóirí torthaí foghlama agus cáilíochtaí a thuiscint, a léirthuiscint agus, más iomchuí, a aithint ar fud an Aontais;
- (22) ciallaíonn "tíortha comharsanachta" na tíortha agus na críocha atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. .../2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾;
- (23) ciallaíonn "déghairm" traenáil spóirt ar ardleibhéal a chónascadh le hoideachas ginearálta nó le hobair.
- (24) ciallaíonn "spórt an phobail" spórt eagraithe a imríonn an lucht spóirt amaitéarach go háitiúil agus spórt do chách.
- (a) cuspóirí na straitéise Eorpaigh 2020, lena n-áirítear an phríomhspríoc oideachais;
- (b) cuspóirí don chreat straitéise le haghaidh comhair Eorpaigh maidir le hoideachas agus le hoiliúint ("ET 2020"), lena n-áirítear na tagarmharcanna;
- (c) forbairt inbhuanaithe tíortha comhpháirtíochta i réimse an ardoideachais;
- (d) na cuspóirí foriomlána atá ag an gcreat athnuaithe le haghaidh comhair Eorpaigh i réimse na hóige (2010-2018)
- (e) cuspóir an ghné Eorpach den spórt a fhorbairt, go háirithe spórt don phobal, a bheadh ag teacht le plean oibre an Aontais don spórt; agus
- (f) luachanna Eorpacha a chur chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

CAIBIDIL II

An t-oideachas agus an oiliúint

Airteagal 5

Cuspóirí sonracha

1. I gcomhréir le cuspóir ginearálta an Chláir amhail a shainítear in Airteagal 4, go háirithe cuspóirí ET 2020, chomh maith le tacú le forbairt inbhuanaithe tíortha comhpháirtíochta i réimse an ardoideachais, saothrófar leis an gClár na cuspóirí sonracha seo a leanas:

1. Ní thacóidh an Clár ach leis na gníomhartha agus leis na gníomhaíochtaí sin a d'fhéadfadh breisluach Eorpach a chur ar fáil agus a rannchuidíonn leis an gculpóir ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 4 a bhaint amach.
2. Áiríteofar breisluach Eorpach ghníomhartha agus gníomhaíochtaí an Chláir go háirithe trí na nithe seo a leanas:
- (a) an ghné thrasnáisiúnta atá acu, go háirithe maidir le soghluaisteacht agus comhar atá dírithe ar thionchar sistéamach inbhuanaithe a bhaint amach;
- (b) comhlántacht agus sineirge le cláir agus le beartais eile ag leibhéal náisiúnta, an Aontais agus idirnáisiúnta;
- (c) an méid a rannchuidíonn siad le huirlisí trédhearcachta agus aitheantais an Aontais a úsáid go héifeachtach.

Airteagal 4

Cuspóir ginearálta an Chláir

Rannchuideoidh an clár leis an méid seo a leanas a bhaint amach:

- (¹) Moladh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 ar inniúlachtaí lárnacha d'fhoghlaim ar feadh an tsaol (IO L 394, 30.12.2006, lch. 10).
- (²) Rialachán (AE) Uimh. .../2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... 2013 lena mbunaítear Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht (IO L ...)

- (a) leibhéal na n-inniúlachtaí agus na scileanna lárnacha a fheabhsú go háirithe i ndáil le hábharthacht na n-inniúlachtaí agus na scileanna sin maidir le margadh an tsaothair agus le rannchuidiú le sochaí chomhtháite, go háirithe trí dheiseanna soghluaisteachta foghlama a mhéadú, agus trí chomhar idir saol an oideachais agus na hoiliúna chomh maith le saol na hoibre a neartú;
- (b) feabhsuithe ar ardchaighdeán, barr feabhais i nuálaíocht agus idirnáisiúntú ar leibhéal na n-institiúidí oideachais agus oiliúna a chothú, go háirithe trí chomhar trasnáisiúnta idir soláthraithe oideachais agus oiliúna agus geallsealbhóirí eile a fheabhsú;
- (c) teacht chun cinn limistéir Eorpaigh um fhoghlaim ar feadh an tsaol a spreagadh agus feasachta faoi a ardú ar limistéar é a bheidh deartha chun athchóirithe beartas a chomhlánú ar an leibhéal náisiúnta agus chun tacú le nuachóiriú ar chórais oideachais agus oiliúna, go háirithe trí chomhar maidir le beartas a fheabhsú, trí úsáid níos fearr a bhaint as uirlisí trédhearcachta agus aitheantais an Aontais, agus trí dhea-chleachtais a scaipeadh;

- (d) Gné idirnáisiúnta an oideachais agus na hoiliúna a fheabhsú, go háirithe trí chomhar idir institiúidí an Aontais agus institiúidí tír comhpháirtíochta i réimse VET agus san ardoideachas, trí bhíthin institiúidí ardoideachais Eorpacha a dhéanamh níos tarraingtí agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, lena n-áirítear a chuid cuspóirí forbartha tríd an tsoghluasteacht agus comhar idir institiúidí ardoideachais an Aontais agus tíortha comhpháirtíochta a chur chun cinn agus trí fhorbairt spriocdhírthe acmhainní i dtíortha comhpháirtíochta;
- (e) Teagasc agus foghlaim teangacha a fheabhsú agus éagsúlacht leathan teangacha an Aontais agus feasacht idirchultúrtha a chur chun cinn;
- (f) barr feabhais i ngníomhaíochtaí teagasc agus taighde maidir leis an lánpháirtíocht Eorpach a chur chun cinn trí bhíthin ghníomhaíochtaí Jean Monnet ar fud an domhain, faoi mar a thagraítear dóibh in Airteagal 10.

2. Chun críocha measúnú a dhéanamh ar an gClár, leagtar amach in Iarscríbhinn I táscairí intomhaiste agus ábhartha i ndáil leis na cuspóirí sonracha dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 6

Gníomhaíochtaí an Chláir

1. I réimsí an oideachais agus na hoiliúna, saothrófar na cuspóirí seo a leanas leis an gClár trí bhíthin na gcineálacha gníomhaíochta seo a leanas:

- (a) soghluaisteacht foghlama daoine aonair;
- (b) comhar um an nuáil agus um dhea-chleachtas; agus
- (c) tacaíocht d'athchóiriú beartas.

2. Déantar cur síos ar ghníomhaíochtaí sonracha Jean Monnet in Airteagal 10.

Airteagal 7

Soghluasteacht foghlama daoine aonair

1. Trí ghníomhaíocht maidir le soghluaisteacht foghlama daoine aonair cothófar na gníomhaíochtaí seo a leanas laistigh de thíortha an Chláir dá dtagraítear in Airteagal 24(1):

- (a) soghluaisteacht na mac léinn i ngach timthriall an ardoideachais agus na mac léinn, na bprintíseach agus na ndaltaí i ngairmoideachas agus i ngairmoiliúint. D'fhéadfadh tréimhse staidéir in institiúid chomhpháirtíochta a bheith i gceist leis an tsoghluasteacht sin, nó tréimhse oiliúna nó taithí a fháil mar phrintíseacht, cúntóir nó duine faoi oiliúint thar lear. Féadfar soghluaisteacht céime a chothú ar leibhéal Máistreachta trí Sháoráid Ráthaíochta na nlasachtaí do Mhic Léinn dá dtagraítear in Airteagal 20.
- (b) soghluaisteacht foirne, sna tíortha de chuid an Chláir dá dtagraítear in Airteagal 24(1). D'fhéadfadh teagasc nó

cúntóireachtaí nó páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí forbartha gairmiúla thar lear a bheith i gceist leis an tsoghluasteacht seo.

2. Chomh maith leis sin, leis an ngníomhaíocht seo, cothófar soghluaisteacht idirnáisiúnta mac léinn, daoine óga agus ball foirne chuig tíortha comhpháirtíochta agus ó thríú tíortha i ndáil le hardoideachas, lena n-áirítear soghluaisteacht atá eagraithe ar bhonn comhchéimeanna, céimeanna dúbailte nó ilchéimeanna glaonna ardchaighdeán nó comhghlaonna.

Airteagal 8

Comhar um an nuáil agus um malartú dea-chleachtas;

1. Cothóidh comhar um an nuáil agus um malartú dea-chleachtas:

(a) comhpháirtíochtaí straitéiseacha idir eagraíochtaí agus/nó institiúidí a bhfuil baint acu le hoideachas agus le hoiliúint nó le hearnálacha ábhartha eile, arb aidhm leo comhthionscnaimh a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus an phiarfhoghlaim agus idirmhalartú na taithí a chur chun cinn;

(b) comhpháirtíochtaí idir saol na hoibre agus institiúidí oideachais agus oiliúna mar seo a leanas:

— comhaontais eolais idir institiúidí ardoideachais agus saol na hoibre, go háirithe, a chuireann an chruthaitheacht, an nuáil, an fhoghlaim obair-bhunaithe agus an fhiontraíocht chun cinn trí dheiseanna foghlama ábhartha a thairiscint, lena n-áirítear curaclaim nua agus cur chuige oideolaíoch a fhorbairt;

— comhaontais scileanna earnála idir soláthraithe oideachais agus oiliúna agus saol na hoibre a chuireann an infhostaitheacht chun cinn, a rannchuidíonn le curaclaim nua atá dírithe ar earnálacha ar leith nó curaclaim nua tras-earnála, ina fhorbraítear bealaí nuálacha gairmtheagaisc agus gairmoiliúna agus a chuireann uirlisí trédhearcachta agus aitheantais an Aontais i bhfeidhm.

(c) Ardáin tacaíochta TF, ina gcúmhdáitear na hearnálacha oiliúna agus oideachais uile, lena n-áirítear Ríomhnascadh lena gceadaítear an phiarfhoghlaim, an tsoghluasteacht fhíoriúil agus malartuithe an dea-chleachtas, agus lena dtugtar rochtain do rannpháirtithe ó thíortha comharsanachta.

2. Cothófar forbairt, forbairt acmhainní, lánpháirtíú réigiúnach, malartuithe eolais agus próisis nuachóirithe leis an ngníomhaíocht seo chomh maith trí bhíthin comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta idir institiúidí ardoideachais san Aontais agus i dtíortha comhpháirtíochta, go háirithe maidir le piarfhoghlaim agus comhthionscadaíl oideachais, agus trí chomhar réigiúnach chuirfidh a chun cinn agus Oifig Náisiúnta Faisnéise, go háirithe le tíortha comharsanachta.

*Airteagal 9***Tacaíocht d'athchóiriú beartas**

1. Áireofar ar ghníomhaíocht maidir le tacaíocht d'athchóiriú beartas gníomhaíochtaí arna dtionscnamh ar leibhéal an Aontais a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- (a) cur chun feidhme chlár oibre an Aontais maidir le hoideachas, agus le hoiliúint i gcomhthéacs MOC, agus le próisis Bologna agus Chóbanhávan;
 - (b) uirlisí trédhearcachta agus aitheantais an Aontais a chur chun feidhme i dtíortha de chuid an Chláir - go háirithe creat aonair an Aontais do thrédhearcacht cáilíochtaí agus inniúlachtaí (Europass), an Creat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF), an Córas Eorpach d'Aistriú Creidmheasa (ECTS), an Córas Creidmheasa Eorpach don Ghairmoideachas agus don Ghairmoiliúint (ECVET), agus an Creat Tagartha Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta i nGairmoideachas agus i nGairmoiliúint (EQAVET), an Clár Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas (EQAR) agus an Cumann Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas (ENQA) agus tacaíocht a sholáthar do Líonraí ar fud an Aontais agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) Eorpacha atá gníomhach i réimse an oideachais agus na hoiliúna;
 - (c) an t-idirphlé maidir le beartas le geallsealbhóirí Eorpacha ábhartha i réimse an oideachais agus na hoiliúna;
 - (d) NARIC, na líonraí Eurydice agus Euroguidance, agus na Láronaid Náisiúnta Europass.
2. Cothófar freisin, leis an ngníomhaíocht seo, an t-idirphlé maidir le beartas le tíortha comhpháirtíochta agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

*Airteagal 10***Gníomhaíochtaí Jean Monnet**

Beidh sé d'aidhm ag gníomhaíochtaí Jean Monnet:

- (a) teagasc agus taighde a chur chun cinn maidir le lánpháirtíocht Eorpach ar fud an domhain i measc sain-acadóirí, foghlaimoírí agus saoránach, go háirithe trí bhithin Chathaoireacha Jean Monnet a chruthú agus gníomhaíochtaí acadúla eile, agus trí chabhair a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí forbartha eolais eile in institiúidí ardoideachais;
- (b) tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí institiúidí acadúla nó cumann acadúil atá gníomhach sa réimse staidéir um lánpháirtíocht Eorpach agus tacaíocht a thabhairt do lipéad Jean Monnet maidir le barr feabhais.
- (c) tacaíocht a thabhairt do na hinstitiúidí seo a leanas a bhfuil aidhm leasa Eorpaigh á saothrú acu:
 - (i) Institiúid Ollscoile Eorpach Fhlórans;
 - (ii) Coláiste na hEorpa (campais Bhrugge agus Natolin);

(iii) an Institiúid Eorpach um Riarachán Poiblí (IERP), Maastricht;

(iv) Acadamh an Dlí Eorpaigh, Trier;

(v) an Ghníomhaireacht Eorpach don Fhorbairt san Oideachas um Riachtanais Speisialta, Odense;

(vi) an tIonad Idirnáisiúnta d'Oiliúint Eorpach (IIOE), Nice.

(d) díospóireacht beartais agus malartuithe idir an saol acadúil agus lucht ceaptha beartas a chur chun cinn maidir le tosaíochtaí beartais an Aontais.

*CAIBIDIL IIa***An Óige***Airteagal 11***Cuspóirí sonracha**

1. I gcomhréir le cuspóir ginearálta an Chláir amhail a shonraítear in Airteagal 4, go háirithe cuspóirí an chreata athnuaite don chomhoibriú Eorpach i réimse na hóige (2010-2018) saothrófar, leis an gClár, na cuspóirí sonracha seo a leanas:

- (a) leibhéal príomhinniúlachtaí agus príomhscileanna daoine óga a fheabhsú, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil deiseanna níos lú acu, mar aon lena rannpháirtíocht sa saol daonlathach san Eoraip agus i margadh an tsaothair, a saoránacht gníomhach, a n-idirphlé idirchultúrtha, a gcuidiú sóisialta agus a ndlúthpháirtíocht a chur chun cinn, go háirithe trí dheiseanna soghluaisteachta foghlama a mhéadú do dhaoine óga, dóibh siúd atá gníomhach in obair leis an óige nó in eagraíochtaí don óige agus do cheannairí ógra, agus trí naisc idir réimse na hóige agus margadh an tsaothair a neartú;
- (b) feabhsú na cáilíochta a chothú san obair leis an óige, go háirithe trí fheabhas a chur ar an gcomhar idir eagraíochtaí don óige agus/nó geallsealbhóirí eile;
- (c) athchóirithe beartais a chomhlánú ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, tacú le beartas don ógra a fhorbairt a bheidh bunaithe ar eolas agus ar fhianaise mar aon leis an bhfoghlaim neamhfhoirmeálta agus neamhfhoirmiúil a aithint, go háirithe trí chomhar beartais a fheabhsú, trí leas níos fearr a bhaint as uirlisí trédhearcachta agus aitheantais an Aontais agus trí dheachleachtais a scaipeadh;
- (d) feabhas a chur ar ghné idirnáisiúnta gníomhaíochtaí óige agus ról oibríthe agus eagraíochtaí óige mar struchtúir tacaíochta do dhaoine óga i gcomhlántacht le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais, go háirithe tríd an tsoghluaisteacht agus an comhar a chur chun cinn idir geallsealbhóirí an Aontais agus geallsealbhóirí tíortha comhpháirtíochta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus trí acmhainní a thógáil ar bhealach spriodhártha i dtíortha comhpháirtíochta.

2. Chun measúnú a dhéanamh ar an gClár, leagtar amach in Iarscríbhinn I táscairí intomhaiste agus ábhartha i ndáil leis na cuspóirí sonracha dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 12

Gníomhaíochtaí an Chláir

Saothrófar na cuspóirí seo a leanas leis an gClár trí bhíthin na gcineálacha gníomhaíochta seo a leanas:

- (a) soghluaisteacht foghlama daoine aonair;
- (b) comhar um an nuáil agus um malartú dea-chleachtas;
- (c) tacaíocht d'athchóiriú beartas.

Airteagal 13

Soghluaisteacht foghlama daoine aonair

1. Trí ghníomhaíocht soghluaisteachta foghlama do dhaoine aonair cothófar:

- (a) soghluaisteacht daoine óga i ngníomhaíochtaí neamhfhoirmeálta agus neamhfhoirmiúla idir tíortha an Chláir; d'fhéadfadh malartuithe óige agus obair dheonach tríd an tSeirbhís Dheonach Eorpach a bheith i gceist leis an tsoghluaisteacht seo, chomh maith le gníomhaíochtaí nuálaíochta ag tógáil ar fhorálacha atá ann cheana maidir le soghluaisteacht;
- (b) soghluaisteacht na ndaoine sin atá gníomhach in obair leis an óige nó in eagraíochtaí don óige agus soghluaisteacht ceannairí ógra; féadfaidh oiliúint agus gníomhaíochtaí líonraithe a bheith i gceist le soghluaisteacht den sórt sin;

2. Leis an ngníomhaíocht sin, tacófar le soghluaisteacht daoine óga, daoine atá gníomhach in obair leis an óige nó in eagraíochtaí don óige agus ceannairí ógra, chuig tíortha comhpháirtíochta agus ó na tíortha sin, go háirithe tíortha comharsanachta.

Airteagal 14

Comhar um an nuáil agus um malartú dea-chleachtas

1. Trí chomhar um an nuáil agus um malartú dea-chleachtas cothófar:

- (a) comhpháirtíochtaí straitéiseacha arb é is aidhm dóibh tionscnaimh chomhpháirteacha a chur chun feidhme, lena n-áirítear tionscnaimh don óige agus tionscadail saoránachta, a chuireann chun cinn an tsaoránacht ghníomhach, an nuáil shóisialta, an rannpháirtíocht sa saol daonlathach agus an fhiontraíocht, tríd an bpiarfhoghlaim agus trí idirmhalartú na taithí;

- (b) ardáin tacaíochta TF lena gceadaítear an phiarfhoghlaim, obair eolasbhunaithe leis an óige agus malartú dea-chleachtas.

2. Cothófar forbairt, forbairt acmhainní agus malartuithe eolais trí bhíthin comhpháirtíochtaí idir eagraíochtaí i dtíortha de chuid an Chláir agus i dtíortha comhpháirtíochta, go háirithe trí phiarfhoghlaim leis an ngníomhaíocht seo.

Airteagal 15

Tacaíocht d'athchóiriú beartas

1. Le tacaíocht d'athchóiriú beartais, áireofar gníomhaíochtaí a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- (a) clár oibre bheartas an Aontais a chur chun feidhme maidir leis an óige trí MOC;
- (b) uirlisí trédhearchachta agus aitheantais an Aontais a chur chun feidhme i dtíortha an Chláir, go háirithe an tÓgphas, agus tacaíocht do líonraí ar fud an Aontais agus do ENRanna Eorpacha um an óige;
- (c) idirphlé maidir le beartas le geallsealbhóirí ábhartha Eorpacha, agus an t-idirphlé struchtúrtha le daoine óga;
- (d) Fóram Eorpach na hÓige, ionaid acmhainní chun obair leis an óige a fhorbairt agus líonra Eurodesk.

2. Cothófar freisin, leis an ngníomhaíocht seo, idirphlé maidir le beartas le tíortha comhpháirtíochta agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

CAIBIDIL IV

An Spórt

Airteagal 16

Cuspóirí sonracha

1. I gcomhréir le cuspóir ginearálta an Chláir, amhail a shonraítear in Airteagal 4, agus le plean oibre an Aontais don spórt, díreofar, leis an gClár, go háirithe ar spórt an phobail agus saothrófar na cuspóirí sonracha seo a leanas:

- (a) dul i ngleic le bagairtí trasteorann ar ionracas an spóirt, amhail dópáil, cluichí a fheallsocrú agus foréigean, mar aon le gach saghas éadulaingthe agus idirdhealaithe;
- (b) dea-rialachas i spórt agus déghairmeacha na lúthchleasaithe a chur chun cinn agus a thacú;
- (c) gníomhaíochtaí deonacha sa spórt, mar aon le cuimsiú sóisialta, comhdheiseanna agus feachtas ar thábhacht gníomhaíocht choirp a fheabhsaíonn an tsláinte a chur chun cinn trí bhíthin rannpháirtíochta méadaithe sa spórt agus rochtain chomhionann air do chách.

2. Chun críocha measúnú a dhéanamh ar an gClár, leagtar amach in Iarscríbhinn I táscairí intomhaiste agus ábhartha i ndáil leis na cuspóirí sonracha dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 17

Gníomhaíochtaí

1. Leanfar cuspóirí an chomhair trí na gníomhaíochtaí trasnáisiúnta seo a leanas, agus a dhíreoidh go háirithe ar spórt an phobail:

- (a) tacaíocht do chomhpháirtíochtaí comhoibríocha;
- (b) tacaíocht d'imeachtaí spóirt Eorpacha neamhbhrabúis lena mbaineann roinnt tíortha de chuid an Chláir agus rannchuidiú leis an gcuspóir a leagtar amach i bpointe (c) d'Airteagal 16(1);
- (c) tacaíocht maidir leis an mbonn fianaise faoi bheartas a cheapadh a neartú;
- (d) idirphlé le geallsealbhóirí Eorpacha ábhartha.

2. Leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1, féadfar cistiú forlíontach a ghíaráil ó thríú páirtithe, amhail gnóthais phríobháideacha.

CAIBIDIL IV

Forálacha airgeadais

Airteagal 18

Buiséad

1. Socraítear gurb é EUR 14 774 524 000 i bpraghsanna reatha an t-imchlúdach airgeadais chun an Clár seo a chur chun feidhme amhail ón 1 Eanáir 2014.

Údaróidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na leithreasá bliantúla laistigh de theorainneacha an chreata airgeadais ilbhliantúil.

2. Déanfar an méid dá dtagraítear i mír 1 a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí an Chláir mar a leanas, le corrlach solúbthachta nach mó ná 5 % de gach ceann de na méideanna leithdháilte:

- (a) 77,5 % ar an oideachas agus ar an oiliúint, as a sannfar na leithdháiltí íosta seo a leanas:
 - (i) 43 % ar an ardoideachas, a sheasann do 33,3 % den bhuiséad iomlán;
 - (ii) 22 % ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint, a sheasann do 17 % den bhuiséad iomlán;
 - (iii) 15 % ar an oideachas scoile, a sheasann do 11,6 % den bhuiséad iomlán;

(iv) 5 % ar fhoghlaím aosach, a sheasann do 3,9 % den bhuiséad iomlán;

- (b) 10 % ar an óige;
- (c) 3,5 % ar Shaoráid Ráthaíochta na nlasachtaí do Mhic Léinn;
- (d) 1,9 % ar Jean Monnet;
- (e) 1,8 % ar an spórt, nach leithdháiltear níos mó ná 10 % de ar an ngníomhaíocht a luaitear faoi phointe (b) d'Airteagal 12(1);
- (f) 3,4 % mar dheontais oibriúcháin do ghníomhaireachtaí náisiúnta; agus
- (g) 1,9 % chun an caiteachas riaracháin a chlúdach.

3. Maidir leis na leithdháiltí dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 2, 63 % déanfar ar a laghad a leithdháileadh ar shoghluaisteacht foghlama daoine aonair, 28 % ar a laghad ar chomhar um nuáil agus um malartú dea-chleachtas agus 4,2 % chun tacú le hathchóiriú beartas.

4. De bhreis ar an imchlúdach airgeadais mar atá léirithe i mír 1, agus d'fhonn gné idirnáisiúnta an ardoideachais a chur chun cinn, déanfar cistiú breise, amhail dá bhforáiltear sna hionstraimí seachtracha éagsúla (an Ionstraim do Chomhar um Fhorbairt (DCI), an Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht (ENI), an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (PI) agus an Ionstraim um Chomhpháirtíocht (IPA), a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí maidir le soghluaisteacht foghlama chuig tíortha nó ó tíortha comhpháirtíochta agus ar idirphlé comhair agus beartais le húdaráis/le hinstiúidí/le heagraíochtaí ó na tíortha sin. Beidh feidhm ag forálacha an Rialacháin seo maidir le húsáid na gcistí sin, agus comhréir leis na Rialacháin faoi seach lena rialaítear na hionstraimí seachtracha sin á háirithe agus, i gcás DCI, a chomhlíonann don Ionstraim maidir le Comhar um Fhorbairt, na critéir le haghaidh Cúnaimh Oifigiúil Forbartha arna bhunú ag Coiste um Chúnamh Forbartha na hEagraíochta um Chomhar Eacnamaíochta agus Forbartha.

Cuirfear an cistiú ar fáil trí dhá leithdháileadh ilbhliantúla lena gcuimseofar na chéad cheithre bliana agus na trí bliana ina dhiaidh sin faoi seach. Cinnfear leithdháileadh an chistithe sin i gclárú tascach ilbhliantúil na n-ionstraimí seachtracha dá dtagraítear sa chéad fhomhír, i gcomhréir leis na riachtanais agus na tosaíochtaí a aithníodh sna tíortha lena mbaineann. Féadfaidh comhar le tíortha comhpháirtíochta a bheith bunaithe, i gcás inarb ábhartha, ar leithreasá breise ó na tíortha sin a bheidh le cur ar fáil i gcomhréir leis na nósanna imeachta a bheidh le comhaontú leo.

Díreoidh gníomhaíocht shoghluaisteacht na mac léinn agus na foirne idir tíortha an Chláir agus tíortha comhpháirtíochta a mhaoinítear tríd an leithdháileadh ón DCI ar réimsí a bhaineann le forbairt chuimsitheach agus inbhuanaithe tíortha atá ag forbairt.

5. Féadfaidh an leithdháileadh airgeadais don Chlár speansais a chumhdach freisin a bhaineann le gníomhaíochtaí ullmhachta, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta a cheanglaítear chun an Clár a bhainistiú agus a chuspóirí a bhaint amach, go háirithe staidéir, cruinnithe saineolaithe, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid chorpóraídeach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais a mhéid is a bhaineann siad le cuspóirí ginearálta an Rialacháin seo, speansais atá nasctha le TF a bhfuil béim acu ar phróiseáil agus ar mhalartú faisnéise, agus le gach speansas maidir le cúnamh teicniúil agus riaracháin arna thabhtú ag an gCoimisiún chun an Clár a bhainistiú.

6. Dá bhrí sin, féadfaidh an leithdháileadh airgeadais don Chlár speansais a bhaineann le cúnamh teicniúil agus riaracháin a chumhdach freisin, ar speansais iad a bhfuil gá leo chun an trasdul a áirithiú idir an Clár agus na bearta a glacadh faoi Chinneadh Uimh. 1719/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1720/2006/CE agus faoi Chinneadh Uimh. 1298/2008/CE. Dá mbeadh gá leis sin, d'fhéadfaí leithreasáil a chur isteach sa bhuiséad i ndiaidh 2020 chun costais amháil sin a chumhdach, d'fhonn bainistiú na ngníomhartha agus na ngníomhaíochtaí nach mbeidh curtha i gcrích faoin 31 Nollaig 2020 a chumasú.

7. Déanfar na cistí do shoghluaisteacht foghlama daoine aonair dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 6(1) agus i bpointe (a) d'Airteagal 12 atá le bainistiú ag gníomhaireacht nó ag gníomhaireachtaí náisiúnta ('gníomhaireacht náisiúnta') a leithdháileadh ar bhonn an daonra agus an chostais mhaireachtála sa Bhallstát, an fhaid idir príomhchathracha na mBallstát agus feidhmíochta. Is ionann paraiméadar na feidhmíochta agus 25 % d'iomlán na gcistí de réir na critéir dá dtagraítear i mír 8 agus i mír 9. Maidir le comhpháirtíochtaí straitéiseacha dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 8(1) agus i bpointe (a) d'Airteagal 14 (1) a roghnóidh gníomhaireacht náisiúnta agus a ndéanfaidh an gníomhaireacht sin bainistiú orthu, leithdháilfear na cistí ar bhonn critéir a shaineoidh an Coimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 36(3). Beidh na foirmle sin, a mhéid is féidir, neodrach maidir le córais éagsúla oideachais agus oiliúna na mBallstát, déanfar laghdúithe móra ar an mbuiséad bliantúil a leithdháiltear ar na Ballstáit ó bhliain go chéile a sheachaint leo agus déanfar neamhchothromaíochtaí iomarcacha i leibhéal na ndéontas a leithdháiltear a íoslaghdú leo.

8. Beidh feidhm ag Leithdháileadh na gcistí bunaithe ar fheidhmíocht d'fhonn úsáid éifeachtúil agus éifeachtach acmhainní a chur chun cinn. Is ar na sonraí is déanaí atá ar fáil a bhunófar na critéir as a mbaintear feidhm chun feidhmíocht a thomhas agus beidh siad dírithe go háirithe ar an méid seo a leanas:

(a) leibhéal na táirgeachta réadaithe bliantúla; agus

(b) leibhéal na n-íocaíochtaí bliantúla arna réadú.

9. Beidh leithdháileadh na gcistí don bhliain 2014 bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil maidir le gníomhaíochtaí a rinneadh agus maidir le glacadh an bhuiséid faoi na cláir Foghlaim ar Feadh an tSaoil, An tAos Óg i mBun Gníomhaíochta agus Erasmus Mundus suas go dtí a agus lena n-áirítear an 31 Nollaig 2013.

10. Féadfar tacaíocht a chur ar fáil sa Chlár trí bhithin módúlachtaí cistithe nuálacha sonracha, go háirithe na cinn atá leagtha amach in Airteagal 20.

Airteagal 19

Módúlachtaí cistithe sonracha

1. Is é an Coimisiún a chuirfidh tacaíocht airgeadais an Aontais chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh 966/2012.

2. Féadfaidh an Coimisiún iarraidh i gcomhar le tíortha comhpháirtíochta nó lena gcuid eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí a sheoladh chun tionscadail a mhaoiniú ar bhonn cistí comhfhreagracha. Féadfar tionscadail a luacháil agus a roghnú trí nósanna imeachta luachála agus roghnaithe a bheidh le comhaontú ag na gníomhaireachtaí cistí lena mbainfidh, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach i Rialachán (AE, Euratom) Uimh 966/2012.

3. Comhlachtaí poiblí, mar aon le scoileanna, le hinstiúidí ardoideachais agus le heagraíochtaí i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt a bhfuil os cionn 50 % dá n-ioncam bliantúil faighte acu ó fhoinsí poiblí le dhá bhliain anuas, measfar go bhfuil an cumas airgeadais, gairmiúil agus riaracháin riachtanach acu chun gníomhaíochtaí faoin gClár a chur i gcrích. Ní bheidh sé de cheangal orthu doiciméid eile a chur ar fáil chun an cumas sin a léiriú.

4. De mhaolú ar Airteagal 130(2) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, agus i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coimisiún a cheapadh gur costais atá incháilithe le haghaidh maoinithe iad na costais atá nasctha go díreach le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a thacaítear leo agus a thabhaítear le linn na chéad sé mhí de 2014, fiú más rud é gur tabhaidh ag an tairbhí iad sular tíolacadh an t-iarraitas ar dheontas.

5. Ní bheidh feidhm ag an tsuim dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 137(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh 966/2012 ar an tacaíocht airgeadais don tsoghluaisteacht foghlama arna ndéonú ar dhaoine aonair.

Airteagal 20.

Saoráid Ráthaíochta na nlasachtaí do Mhic Léinn

1. Soláthróidh Saoráid Ráthaíochta na nlasachtaí do Mhic Léinn páirteacha d'idirghabhálaithe airgeadais le haghaidh iasachtaí arna ndéonú ar na téarmaí is fabhraí is féidir, do mhic léinn a thugann faoi chéim dara timthriall, amháil céim Mháistreachta, ag instiúid ardoideachais aitheanta i dtír de chuid an Chláir, amháil dá dtagraítear in Airteagal 24(1) nach í a dtír chónaithe ná an áit a bhfuair siad a gcáilíocht arna deonú rochtain ar chlár na Máistreachta í.

2. Déanfaidh ráthaíochtaí a eiseofar trí Shaoráid Ráthaíochta na nlasachtaí do Mhic Léinniasachtaí incháilithe nua mac léinn a chlúdach suas go huasmhéid de EUR 12 000 do chlár bliana agus suas le EUR 18 000 do chlár a mhaireann suas le dhá bhliain, nó a gcoibhéis in airgeadra áitiúil.

3. Déanfar bainistiú Shaoráid Ráthaíochta na nlasachtaí do Mhic Léinn ar leibhéal an Aontais a chur ar iontaobh an Chiste Eorpaigh Infheistíochta (CEI) i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh 966/2012 ar bhonn comhaontaithe tarmhigin leis an gCoimisiún, ina leagfar amach na rialacha mionsonraithe agus na ceanglais mhionsonraithe lena rialáitear cur chun feidhme Shaoráid Ráthaíochta na nlasachtaí do Mhic Léinn le hoibleagáidí na bpáirtithe faoi seach. Ar an mbonn seo, déanfaidh an CEI comhaontuithe le hidirghabhálaithe airgeadais, a chur i gcrích: amhail bainc, institiúidí náisiúnta agus/nó réigiúnacha iasachtaí mac léinn nó institiúidí eile aitheanta airgeadais, agus déanfaidh sé gach iarracht a áirithiú go roghnófar idirghabhálaithe airgeadais ó gach tír de chuid an Chláir, d'fhonn a áirithiú go mbeidh rochtain ag mic léinn ó thíortha uile an Chláir ar an Shaoráid Ráthaíochta na nlasachtaí do Mhic Léinn agus i modh comhsheasmhach agus neamh-irdhealaitheach.

4. Soláthraítear faisnéis theicniúil maidir le feidhmiú Shaoráid Ráthaíochta na nlasachtaí do Mhic Léinn in Iarscríbhinn II.

CAIBIDIL VI

Torthaí feidhmíochta agus scaipeadh

Airteagal 21

Faireachán agus luacháil a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar thorthaí

1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, faireachán rialta ar fheidhmíocht agus ar thorthaí an Chláir le hais chuspóirí an Chláir agus tuairisceoidh sé air sin, maidir leis na nithe seo a leanas go háirithe:

- (a) an breisluach Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 3;
- (b) dáileadh na gcistí a bhaineann leis na hearnálacha oideachais oiliúna, agus óige, d'fhonn a áirithiú go mbeidh leithdháileadh cistithe ann lena dtugtar ráthaíocht i ndáil le tionchar sistéamach inbhuanaithe nuair a thiocfaidh an Clár chun deiridh;
- (c) úsáid a bhaint as na cistí a fuarthas ó na hionstraimí seachtracha, dá dtagraítear in Airteagal 18(4) agus a rannchuidiú le cuspóirí agus prionsabail na n-ionstraimí sin faoi seach.

2. I dteannta a ghníomhaíochtaí faireacháin leanúnacha a dhéanamh, taiscfidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta lár téarma tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2017 d'fhonn measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart arna nglacadh chun cuspóirí an Chláir a bhaint amach agus chun, éifeachtúlacht an Chláir agus a bhreisluach Eorpach a mheas, a mbeidh, más iomchuí, togra reachtach chun an Rialachán seo a leasú ag gabháil léi. Díreofar sa tuarascáil mheastóireachta lár téarma ar an scóp chun an Clár a shimpliú, ar chomhchuibheas inmheánach agus seachtrach na mbeart, ábharthacht leanúnach na guspóirí uile agus an chaoi ina rannchuidiú na bearta arna nglacadh le straitéis Eoraip 2020 a bhaint amach. Cuirfear san áireamh freisin torthaí meastóireachta maidir le tionchar fadtéarmach na gclár ba réamhtheachtaithe chomh maith (Foghlaim ar feadh an tSaoil, an tAos Óg i mBun Gníomhaíochta, Erasmus Mundus agus clár ardoideachais idirnáisiúnta eile).

3. Cuirfidh an Coimisiún an mheastóireacht lár téarma dá dtagraítear i mír 2 faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún:

4. Gan dochar do na ceanglais a leagtar amach i gCaibidil VII agus do dhualgais na ngníomhaireachtaí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 28, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2017 maidir le cur chun feidhme agus tionchar an Chláir ina gcríocha faoi seach.

5. Cuirfidh an Coimisiún meastóireacht deiridh ar an gClár faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún faoin 30 Meitheamh 2022.

Airteagal 22

Cumarsáid agus scaipeadh

1. Áiritheoidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, go n-eiseofar faisnéis, go ndéanfar poiblíocht agus go mbeidh athleanúint ann maidir leis na gníomhartha uile agus na gníomhaíochtaí uile a fhaigheann tacaíocht faoin gClár, chomh maith le heisiúint na dtorthaí a bhí ar na cláir Foghlaim ar Feadh an tSaoil, An tAos Óg i mBun Gníomhaíochta agus Erasmus Mundus a bhí ann roimhe.

2. Ba cheart dóibh siúd a bhaineann tairbhe as na tionscadail tacaíochta de bharr gníomhartha agus gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 6, Airteagal 10, Airteagal 12, 17 agus in Airteagal 20 na torthaí a fhaightear sna tionscadail sin agus na tionchair a imrítear leo a chraobhscaoileadh agus a eisiúint go cuí. Féadfar foráil gníomhaíochtaí faisnéise piar go piar maidir le deiseanna soghluaisteachta a áireamh sa mhéid seo.

3. Ba cheart do na ngníomhaireachtaí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 28 beartas comhsheasmhach a dhéanamh maidir le torthaí na ngníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoi na gníomhartha a ndéanann siad bainistiú orthu laistigh den Chlár a eisiúint agus a shaothrú go héifeachtach agus ba cheart dóibh cabhrú leis an gCoimisiún sa chúram ginearálta um fhaisnéis faoin gClár agus a chuid torthaí a eisiúint, lena n-áirítear gníomhartha agus gníomhaíochtaí arna mbainistiú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus trí fhaisnéis a thabhairt do spriocghrúpaí ábhartha faoi na ngníomhaíochtaí ina dtír.

4. Is é "Erasmus+" an t-ainm branda a mbainfidh na comhlachtaí poiblí agus príobháideacha sna hearnálacha a chumhdaítear leis an gClár feidhm astu chun críche an fhaisnéis a bhaineann leis an gClár a chur in iúl agus a eisiúint. Maidir leis na hearnálacha éagsúla den Chlár, úsáidfead na hainmneacha branda seo a leanas:

- "Comenius", a bhaineann le hoideachas ar scoil;
- "Erasmus" a bhaineann le gach cineál ardoideachais, laistigh de thíortha an Chláir;
- "Erasmus Mundus" a bhaineann le gach cineál gníomhaíochtaí ardoideachais, idir tíortha an Chláir agus tíortha comhpháirtíochta;
- "Leonardo da Vinci", a bhaineann le gairmoideachas agus gairmoiliúint;
- "Grundtvig", a bhaineann le foghlaim aosach;

— "An tAos Óg i mBun Gníomhaíochta", a bhaineann le foghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta i réimse na hóige.;

— "Spóirt", a bhaineann le gníomhaíochtaí i réimse an spóirt.

5. Rannchuideoidh gníomhaíochtaí cumarsáide freisin le cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais, ar choinníoll go bhfuil baint acu sin le cuspóirí ginearálta an Rialacháin seo.

CAIBIDIL VI

Rochtain ar an gClár

Airteagal 23

Rochtain

1. Féadfaidh aon chomhlacht príobháideach nó poiblí atá gníomhach i réimsí an oideachais, na hoiliúna nó spóirt an phobail iarratas a chur isteach ar maoiniú i ndáil leis an gClár. Déanfaidh an Clár, i gcás na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagail 13 (1) agus pointe (a) d'Airteagal 14 (1), tacú le grúpaí daoine óga atá gníomhach in obair leis an óige, ach ní gá an obair sin a bheith ar siúl i gcomhthéacs eagraíocht óige.

2. Tráth a bheidh an Clár á gcur i bhfeidhm, inter alia maidir le roghnú na rannpháirtithe agus dámhachtain na scoláireachtaí, ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit, áiritheoidh siad go ndéanfar iarrachtaí ar leith chun cuimsiú sóisialta agus rannpháirtíocht daoine a bhfuil riachtanais speisialta nó a bhfuil níos lú deiseanna acu a chur chun cinn.

Airteagal 24

Rannpháirtíocht tíortha

1. Féadfaidh na tíortha seo a leanas a bheith rannpháirteach sa Chlár ("tíortha an Chláir"):

- (a) na Ballstáit;
- (b) na tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha a thairbhíonn de straitéis réamhaontachais, i gcomhréir leis na príonsabail ghinearálta agus leis na téarmaí agus coinníollacha ginearálta maidir le rannpháirteachas na dtíortha sin i gclár Aontais arna mbunú sna comhaontuithe réime, sna cinntí ó Chomhairlí Comhlachais nó i gcomhaontuithe dá samhail;
- (c) na tíortha sin de chuid CSTE ar páirtithe iad i gComhaontú LEE, i gcomhréir le forálacha an chomhaontaithe sin;
- (d) Cónaidhm na hEilvéise, ar bhonn comhaontaithe dhéthaobhaigh a bheidh le cur i gcrích leis an tír sin;
- (e) na tíortha sin atá cumhdaithe ag beartas comharsanachta na hEorpa a bhfuil comhaontaithe curtha i gcrích acu leis an Aontas lena bhforáiltear go bhféadfaí páirt a ghlacadh i gclár an Aontais, faoi réir chur i gcrích comhaontaithe dhéthaobhaigh leis an Aontas maidir leis na coinníollacha a bhaineann lena rannpháirtíocht sa Chlár.

2. Beidh tíortha an Chláir faoi réir na ndualgas uile agus comhlíonfaidh siad na cúraim uile a bhaineann leis na Ballstáit agus a leagtar amach sa Rialachán seo.

3. Leis an gClár, tabharfar tacaíocht do chomhar le tíortha comhpháirtíochta, go háirithe tíortha comharsanachta, i ngníomhaíochtaí agus i ngníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 6, in Airteagal 10 agus in Airteagal 12.

CAIBIDIL VII

Córas bainistíochta agus iniúchóireachta

Airteagal 25

Comhlántacht

Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, comhsheasmhacht agus comhlántacht an Chláir a áirithiú leis na nithe seo a leanas:

- (a) na beartais agus na cláir ábhartha, go háirithe na cinn sin a bhaineann leis an gcultúr agus leis na meáin, leis an bhfostaíocht, leis an taighde agus leis an nuáil, leis an tionscal agus leis an bhfiontraíocht, leis an mbeartas comhtháthaithe agus forbartha chomh maith le beartas agus tionscnaimh méadaithe, ionstraimí agus straitéisí i réimse an bheartais réigiúnaigh agus an chaidrimh sheachtraigh;
- (b) na foinsí Eorpacha cistithe eile is ábhartha do bheartais oideachais, oiliúna, óige, agus spóirt, go háirithe Ciste Sóisialta na hEorpa agus na hionstraimí airgeadais eile a bhaineann le fostaíocht agus cuimsiú sóisialta, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus "Fís 2020" -an Clár Réime Iomaíochais agus Nuálaíochta, chomh maith leis na hionstraimí airgeadais a bhaineann leis an gceartas agus le saoránacht, sláinte, cláir um chomhar seachtrach agus cúnaimh réamhaontachais.

Airteagal 26

Na comhlachtaí cur chun feidhme

Is iad na comhlachtaí seo a leanas a chuirfidh an Clár chun feidhme ar mhodh comhsheasmhach:

- (a) an Coimisiún, ar leibhéal an Aontais;
- (b) na gníomhaireachtaí náisiúnta ar an leibhéal náisiúnta i dtíortha an Chláir.

Airteagal 27

An t-údarás náisiúnta

1. Tagraíonn an téarma "údarás náisiúnta" d'údarás náisiúnta amháin nó níos mó i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta.

2. Laistigh de 22 Eanáir 2014, cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún trí fhógra fhoirmiúil arna sheachadadh ag a mBuanionadaíocht an duine (na daoine) atá údaraithe de réir an dlí chun gníomhú thar a gceann mar an údarás náisiúnta chun críocha an Rialacháin seo. I gcás chur in ionad an údarás náisiúnta le linn ré an Chláir, cuirfidh an Ballstát ábhartha an Coimisiún ar an eolas faoi láithreach i gcomhréir leis an nós imeachta céanna.

3. Déanfaidh na Ballstáit gach beart iomchuí chun deireadh a chur le bacainní dlí agus riaracháin ar fheidhmiú ceart an Chláir, lena n-áirítear, i gcás inar féidir sin, bearta atá dírithe ar réiteach saincheisteanna as a n-eascraíonn deacrachtaí chun víosaí a fháil.

4. Faoin 22 Márta 2014, ainmneoidh an t-údarás náisiúnta gníomhaireacht náisiúnta nó gníomhaireachtaí náisiúnta. I gcásanna gurb ann do níos mó ná gníomhaireacht náisiúnta amháin, bunóidh na Ballstáit sásra cuí chun cur chun feidhme an Chláir ar an leibhéal náisiúnta a bhainistiú ar bhealach comhordaithe, go háirithe d'fhonn cur chun feidhme an Chláir a bheadh comhtháite agus éifeachtúil ó thaobh costas de a áirithiú agus teagmháil éifeachtach leis an gCoimisiún a áirithiú maidir leis sin, agus d'fhonn a éascú go bhféadfaí cistí a aistriú idir gníomhaireachtaí, agus ar an gcaoi sin foráil do sholúbthacht agus d'úsáid níos fearr a bhaint as na cistí a leithdháiltear ar na Ballstáit. Gan dochar d'Airteagal 29(3), cinnfidh gach Ballstát conas a eagróidh sé an caidreamh atá aige idir a údarás náisiúnta agus an ghníomhaireacht náisiúnta, lena n-áirítear cúraimí amháil clár oibre bliantúil na gníomhaireachta náisiúnta a bhunú.

Cuirfidh an t-údarás náisiúnta measúnú ex-ante comhlíonta oiriúnach ar fáil don Choimisiún lena gcuirfear in iúl go gcomhlíonann an t-údarás náisiúnta pointí (c)(v) agus (vi) d'Airteagal 58(1) agus Airteagal 60(1), (2) agus (3) de Rialachán Uimh. 966/2012 agus le hAirteagal 38 dá Rialachán Tarmligthe Uimh. 1268/2012 ón gCoimisiún⁽¹⁾ chomh maith le ceanglais an Aontais i ndáil le caighdeáin rialála inmheánacha do ghníomhaireachtaí náisiúnta agus rialacha le haghaidh bhainistiú cistí an Chláir do thacaíocht deontais.

5. Ainmneoidh an t-údarás náisiúnta comhlacht neamhspleách iniúchóireachta dá dtagraítear in Airteagal 30.

6. Bunóidh an t-údarás náisiúnta a mheasúnú ar chomhlíonadh ex-ante ar a seiceálacha agus a iniúchtaí féin, agus/nó ar seiceálacha agus iniúchtaí arna ndéanamh ag an gcomhlacht neamhspleách iniúchóireachta dá dtagraítear in Airteagal 30.

7. Sa chás sin is ionann an t-údarás náisiúnta atá sannta don Chlár agus an t-údarás náisiúnta atá sannta do na Clár Foghlaim ar Feadh an tSaoil nó An tAos Óg i mBun Gníomhaíochta a bhí ann roimhe seo, d'fhéadfaí raon feidhme na seiceálacha agus na hiniúchtaí i ndáil leis an measúnú comhlíonta ex-ante a theorannú do cheanglais atá nua agus sonracha maidir leis an gClár.

8. Déanfaidh an t-údarás náisiúnta faireachán agus maoirseacht ar bhainistíocht an Chláir ar an leibhéal náisiúnta. Cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas agus rachaidh sé i mbun comhairle leis in am trátha sula nglacfaidh sé aon chinneadh a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith aige ar bhainistiú an Chláir, go háirithe maidir lena gníomhaireacht náisiúnta.

9. Soláthróidh an t-údarás náisiúnta cómhaoiniú leormhaith i gcomhair oibríochtaí a ghníomhaireachta náisiúnta lena áirithiú go ndéanfar an Clár a bhainistiú i dtaca leis na rialacha Aontais is infheidhme.

10. Sa chás ina ndíulthaíonn an Coimisiún do shainiú an údarais náisiúnta de bharr na meastóireachta arna déanamh aige ar an measúnú comhlíonta ex-ante, áiritheoidh an t-údarás náisiúnta go ndéanfar na céimeanna feabhais is gá le chun a chumasú don údarás náisiúnta na ceanglais íosta a leagann an Coimisiún síos a chomhlíonadh, nó go ndéanfaidh sé comhlacht eile a shainiú mar údarás náisiúnta.

11. Bunaithe ar dhearbhu bliantúil bhainistíochta na gníomhaireachta náisiúnta, ar an tuairim neamhspleách iniúchóireachta ina thaobh agus ar anailís an Choimisiúin ar chomhlíonadh agus ar fheidhmíocht an údarais náisiúnta, soláthróidh an t-údarás náisiúnta faisnéis maidir lena gníomhaíochtaí faireacháin agus maoirseachta i dtaca leis na gClár don Choimisiún faoin 31 Deireadh Fómhair gach bliain.

12. Glacfaidh an t-údarás náisiúnta freagracht as bainistíocht chúí chistí an Aontais a aistríonn an Coimisiún chuig an ngníomhaireacht náisiúnta trí bhíthin tacaíocht deontais a dhámhachtain faoin gClár.

13. I gcás aon neamhriachtachta, faillí nó calaoise atá inchurtha i leith na gníomhaireachta náisiúnta d'aon easnamh tromchúiseach nó thearcfheidhmíocht ar pháirt na gníomhaireachta náisiúnta, agus sa chás ina ndéanann an Coimisiún éilimh i gcoinne na gníomhaireachta náisiúnta dá bharr sin, beidh an t-údarás náisiúnta faoi dhliteanais na cistí nár gnóthaíodh a aisíoc leis an gCoimisiúin.

14. Sna a thuairiscítear i mír 13, féadfaidh an t-údarás náisiúnta, ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ón gCoimisiún, an ghníomhaireachta náisiúnta a chúlghairm. I gcás inar mian leis an údarás náisiúnta an sainordú sin a chúlghairm ar aon chúis a bhfuil údar maith leo, cuirfidh sé an chúlghairm in iúl don Choimisiún sé mhí ar a laghad roimh an dáta ar a bhfuil sé beartaithe sainordú na gníomhaireachta náisiúnta a fhoirceannadh. Sa chás sin, déanfaidh an t-údarás náisiúnta agus an Coimisiún bearta sainiúla agus uainithe maidir le trasdul a chomhaontú go foirmiúil.

15. I gcás cúlghairme, déanfaidh an t-údarás náisiúnta na rialuithe riachtanacha maidir le cistí an Aontais a bhí curtha de chúram ar an ngníomhaireacht náisiúnta a bhfuil a sainordú cúlghairthe agus áiritheoidh sé go n-aistrefar gan bhacainn go dtí an ghníomhaireacht náisiúnta nua na cistí sin agus na doiciméid agus na huirlisí bainistíochta uile a theastaíonn chun an Clár a bhainistiú. Soláthróidh an t-údarás náisiúnta an tacaíocht airgeadais riachtanach don ghníomhaireacht náisiúnta a bhfuil a sainordú cúlghairthe chun leanúint dá hoibleagáidí conartha vis-à-vis tairbhíthe an Chláir agus vis-à-vis an Coimisiún a dhéanamh go dtí go n-aistrefar na hoibleagáidí sin go dtí gníomhaireacht náisiúnta nua.

16. Má iarrann an Coimisiún air amhlaidh, ainmneoidh an t-údarás náisiúnta na hinstiúidí nó na heagraíochtaí, nó cineálacha na n-institiúidí nó na n-eagraíochtaí sin, chun bheith incháilithe chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí sonracha de chuid an Chláir ina gcríocha faoi seach.

⁽¹⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1268/2012 ón gCoimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2012 maidir le rialacha cur chun feidhme Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L 362, 31.12.2012, lch. 1).

Airteagal 28

An ghníomhaireacht náisiúnta

1. Tagraíonn an téarma "údarás náisiúnta" d'údarás náisiúnta amháin nó níos mó i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta.
2. Maidir leis an ngníomhaireacht náisiúnta:
 - (a) beidh pearsantacht dhlítheanach aici nó beidh sí mar chuid d'eintiteas ag a bhfuil pearsantacht dhlítheanach, agus rialófar í de réir dhlí an Bhallstáit lena mbaineann; ní fhéadfar aireacht a ainmniú mar ghníomhaireacht náisiúnta;
 - (b) beidh cumas bainistíochta, foireann agus bonneagar leormhaith aici chun a cúraimí a chomhlíonadh go sásúil, lena n-áirítear bainistíocht éifeachtúil agus éifeachtach ar an gClár agus bainistíocht fhónta airgeadais ar chistí an Aontais;
 - (c) beidh sé de chumas dlíthiúil agus oibríochtúil aici na rialacha riaracháin, conarthacha agus airgeadais atá leagtha síos ar leibhéal an Aontais a chur chun feidhme;
 - (d) cuirfidh sí ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha ar fáil, arna n-eisiúint más féidir ag údarás poiblí, a fhreagraíonn do leibhéal cistí an Aontais a n-iarrfar uirthi a bhainistiú;
 - (e) beidh sí ainmnithe d'fhad tréimhse an Chláir.
3. Beidh an ghníomhaireacht náisiúnta freagrach as gach céim de shaolré thionscadal na ngníomhaíochtaí seo a leanas de chuid an Chláir a bhainistiú, i gcomhréir le pointí (v) agus (vi) de phointe (c) d'Airteagal 58(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 agus le hAirteagal 44 de dá Rialachán Tarmlogthe (AE) Uimh. 1268/2012:
 - (a) foghlaim soghluaisteachta daoine aonair cé is moite den tsoghluaisteacht arna heagrú ar bhonn comhchéimeanna nó céimeanna dúbailte/ilchéimeanna, tionscadail saorálaíochais ar mhórsála agus Shaoráid Ráthaíochta na nlasachtaí do Mhic Léinn;
 - (b) comhpháirtíochtaí straitéiseacha laistigh den ghníomhaíocht "comhar maidir le nuálaíocht agus le malartú deachleachtas";
 - (c) gníomhaíochtaí ar mhionscála lena dtacaítear le comhrá struchtúraithe i réimse na hóige a bhainistiú laistigh den ghníomhaíocht "tacaíocht d'athchóiriú beartas".
4. De mhaolú ar mhír 3, féadfar na cinntí roghnúcháin agus dámhachtana do na comhpháirtíochtaí straitéiseacha dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 3 a bhainistiú ar leibhéal an Aontais, má dhéantar cinneadh chun na críche sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 36(3) agus i gcásanna sonracha amháin ina bhfuil forais shoiléire ann do lárú den sórt sin.

5. Eiseoidh an ghníomhaireacht náisiúnta tacaíocht deontais do thairbhíthe trí chomhaontú deontais nó trí chinneadh deontais, arna shonrú ag an gCoimisiún maidir leis an ngníomhaíocht lena mbaineann de chuid an Chláir.

6. Tuairisceoidh an ghníomhaireacht náisiúnta gach bliain don Choimisiún agus don údarás náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 60(5) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012. Beidh an ghníomhaireacht náisiúnta i gceannas ar chur chun feidhme na mbarúlacha arna n-eisiúint ag an gCoimisiún tar éis dó anailís a dhéanamh ar dhearbhu bliantúil bhainistíochta, agus ar an tuairim neamhspleách iniúchóireachta ina thaobh.

7. Ní fhéadfaidh an ghníomhaireacht náisiúnta aon chúram a bhaineann le cur chun feidhme an Chláir ná an bhuiséid a tugadh di a tharmlogean do thríú páirtí gan cead i scríbhinn a fháil roimh ré ón údarás náisiúnta agus ón gCoimisiún. Is í an ghníomhaireacht náisiúnta agus ise amháin a bheidh freagrach as na cúraimí arna dtarmlogean chuig tríú páirtí.

8. I gcás ina ndéantar sainordú gníomhaireachta náisiúnta a cúlghairm, beidh an ghníomhaireacht náisiúnta sin fós freagrach ó thaobh an dlí de as a hoibleagáidí conartha a chomhlíonadh i leith tairbhíthe an Chláir agus maidir leis an gCoimisiún go dtí go n-aistreofar na hoibleagáidí sin chuig gníomhaireacht náisiúnta nua.

9. Beidh an ghníomhaireacht náisiúnta i gceannas ar bhainistiú agus ar fhoirceannadh na gcomhaontuithe airgeadais a bhaineann leis na cláir is réamhtheachtaí eadhon na cláir Foghlama ar Feadh an tSaoil agus an tAos Óg i mBun Gníomhaíochta a bheidh fós oscailte ag tús an Chláir.

Airteagal 29

An Coimisiún Eorpach

1. Laistigh de dhá mhí tar éis dó an measúnú ar chomhlíonadh ex-ante dá dtagraítear in Airteagal 27(4) a fháil ón údarás náisiúnta, glacfaidh an Coimisiún le hainmniú na gníomhaireachta náisiúnta, glacfaidh sé leis go coinníollach nó diúltóidh sé don ainmniú sin. Ní rachaidh an Coimisiún i ngaol conarthach leis an ngníomhaireacht náisiúnta go dtí go nglacfar leis an measúnú ar chomhlíonadh ex-ante. I gcás ina nglactar leis go coinníollach, féadfaidh an Coimisiún bearta réamhchúraim comhréireacha a chur i bhfeidhm maidir lena ghaol conarthach leis an ngníomhaireacht náisiúnta.
2. Nuair a ghlacfaidh sé leis an measúnú ar chomhlíonadh ex-ante maidir leis an ngníomhaireacht náisiúnta atá ainmnithe don Chlár, déanfaidh an Coimisiún na freagrachtaí dlíthiúla maidir leis na comhaontuithe airgeadais a bhaineann leis na cláir réamhtheachtaí eadhon an clár Foghlama ar Feadh an tSaoil agus an tAos Óg i mBun Gníomhaíochta agus atá fós oscailte ag tús an Chláir a chur ar bhonn foirmiúil.
3. I gcomhréir le hAirteagal 27(4), déanfar an méid seo a leanas leis an doiciméad lena rialaítear an gaol conarthach idir an Coimisiún agus an ghníomhaireacht náisiúnta:
 - (a) leagfar síos ann na caighdeáin rialaithe inmheánaigh le haghaidh na ngníomhaireachtaí náisiúnta agus na rialacha maidir le bainistiú chistí an Aontais i gcomhair tacaíochta deontais ag na gníomhaireachtaí náisiúnta;

(b) áireofar ann clár oibre na gníomhaireachta náisiúnta ina bhfuil cúraimí bainistíochta na gníomhaireachta náisiúnta dá bhfuil tacaíocht ón Aontas á cur ar fáil;

(c) sonrófar ann na ceanglais tuairiscithe le haghaidh na gníomhaireachta náisiúnta.

4. Cuirfidh an Coimisiún na cistí seo a leanas de chuid an Chláir ar fáil gach bliain don ghníomhaireacht náisiúnta:

(a) cistí maidir le tacaíocht deontais sa Bhallstát lena mbaineann do ghníomhaíochtaí an Chláir ar cuireadh de chúram ar an ngníomhaireacht náisiúnta iad a bhainistiú.

(b) ranníocaíocht airgeadais chun tacú le cúraimí bainistíochta an Chláir atá curtha ar an ngníomhaireacht náisiúnta. Cuirfear an ranníocaíocht sin ar fáil i bhfoirm ranníocaíochta ráta chomhréidh le costais oibríochtúla na gníomhaireachta náisiúnta agus socrófar í ar bhonn mhéid na gcistí den Aontas do thacaíocht deontais atá curtha faoi chúram na gníomhaireachta náisiúnta.

5. Socróidh an Coimisiún na ceanglais maidir le clár oibre na gníomhaireachta náisiúnta. Ní chuirfidh an Coimisiún cistí an Chláir ar fáil don ghníomhaireacht náisiúnta go dtí go mbeidh an clár oibre ábhartha den ghníomhaireacht náisiúnta formheasta go foirmiúil ag an gCoimisiún.

6. Ar bhonn na gceanglas comhlíontachta do ghníomhaireachtaí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 27(4), déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na córais bhainistíochta agus rialaithe, go háirithe bunaithe ar mheasúnú ar chomhlíonadh ex-ante an údarais náisiúnta, ar dhearbhú bliantúil bhainistíochta na gníomhaireachta náisiúnta agus ar thuairim an chomhlachta neamhspleách iniúchóireachta ina leith, agus an fhaisnéis bhliantúil ón údarás náisiúnta maidir lena ghníomhaíochtaí faireacháin agus maoirseachta ar an gClár á cur i gcuntas go cuí.

7. Nuair a bheidh measúnú déanta aige ar an dearbhú bliantúil bhainistíochta agus ar thuairim an chomhlachta neamhspleách iniúchóireachta ina leith, cuirfidh an Coimisiún a thuairim agus a bharúlacha ina leith in iúl don ghníomhaireacht náisiúnta agus don údarás náisiúnta.

8. I gcás nach féidir leis an gCoimisiún glacadh leis an dearbhú bliantúil bhainistíochta leis an tuairim neamhspleách iniúchóireachta ina leith, nó i gcás ina gcuireann an ghníomhaireacht náisiúnta barúlacha an Choimisiún chun feidhme go míshásúil, féadfaidh an Coimisiún aon bhearta ceartaitheacha agus réamhchúraim is gá chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.

9. Eagróidh an Coimisiún cruinnithe rialta le gréasán na ngníomhaireachtaí náisiúnta d'fhonn cur chun feidhme comhtháite an Chláir a áirithiú ar fud tíortha uile an Chláir.

Airteagal 30

Comhlacht iniúchóireachta neamhspleách

1. Eiseoidh an comhlacht neamhspleách iniúchóireachta tuairim iniúchóireachta maidir leis an dearbhú bliantúil bhainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 60(5) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.

2. Maidir leis an gcomhlacht neamhspleách iniúchóireachta:

(a) beidh na hinniúlachtaí gairmiúla is gá aige chun iniúchtaí san earnáil phoiblí a dhéanamh;

(b) áiritheoidh sé go gcuirfear caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta i gcuntas sna hiniúchtaí;

(c) ní bheidh coinbhleacht leasa ag baint leis maidir leis an eintiteas dlíthiúil a bhfuil an ghníomhaireacht náisiúnta ina chuid de. Beidh sé, go háirithe, i dtaca lena chuid feidhmeanna, neamhspleách ón eintiteas dlíthiúil a bhfuil an ghníomhaireacht náisiúnta ina chuid de.

3. Cuirfidh an comhlacht neamhspleách iniúchóireachta ar fáil don Choimisiún agus dá ionadaithe agus don Chúirt Iniúchóirí rochtain iomlán ar gach doiciméad agus tuarascáil i dtaca leis an tuairim iniúchóireachta a eisíonn sé maidir le dearbhú bliantúil bhainistíochta na gníomhaireachta náisiúnta.

CAIBIDIL IX

An Córas rialaithe

Airteagal 31

Prionsabail an chórais rialaithe

1. Déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí lena n-áiríteofar, nuair a chuirfear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo chun feidhme, go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne calaoise, éillithe agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí rialuithe éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí mhéideanna a íocadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha.

2. Beidh an Coimisiún freagrach as na rialuithe maoirseachta maidir le gníomhartha agus gníomhaíochtaí an Chláir a bhainistíonn na gníomhaireachtaí náisiúnta. Socróidh sé na híoscheanglais do na rialuithe arna ndéanamh ag an ngníomhaireacht náisiúnta agus ag an gcomhlacht neamhspleách iniúchóireachta.

3. Beidh an ghníomhaireacht náisiúnta freagrach as rialuithe príomhúla na dtairbhíthe deontais i gcomhair gníomhartha agus gníomhaíochtaí an Chláir, dá dtagraítear in Airteagal 28(3). Tabharfaidh na rialuithe sin urrús réasúnach go mbaintear úsáid as na deontais arna mbronnadh de réir mar a bhí beartaithe agus i gcomhlíonadh rialacha an Aontais is infheidhme.

4. Maidir le cistí an Chláir arna n-aistriú chuig na gníomhaireachtaí náisiúnta, áiritheoidh an Coimisiún comhordú ceart ar a rialuithe leis na húdarais náisiúnta agus leis na gníomhaireachtaí

náisiúnta, ar bhonn an phrionsabail iniúchóireachta aonair agus tar éis anailís a dhéanamh bunaithe ar riosca. Ní bhaineann an fhoráil sin le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF).

Airteagal 32

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

1. Beidh an chumhacht ag an gCoimisiún iniúchtaí a dhéanamh nó ag a ionadaithe agus ag an gCúirt Iniúchóirí, ar bhonn doiciméad agus ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, ar gach conraitheoir, ar gach fochonraitheoir agus tríú páirtithe eile a fuair cistí de chuid an Aontais. Féadfaidh siad iniúchtaí agus seiceálacha a dhéanamh ar na gníomhaireachtaí náisiúnta freisin.

2. Féadfaidh OLAF seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann go díreach nó go hindíreach leis an gcistíú sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96⁽¹⁾ d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon gníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanfadh difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó cinneadh deontais nó le Conradh a bhaineann le cistíú ón Aontas.

3. Gan dochar do mhír 1 agus do mhír 2, le comhaontuithe comhair le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus comhaontuithe deontais, cinní deontais agus conarthaí deontais a thig ón Rialachán seo a chur chun feidhme, cumhachtófar go sainráite don Choimisiún, don Chúirt Iniúchóirí agus do OLAF iniúchtaí, seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí den sórt sin a dhéanamh.

CAIBIDIL IX

Tarmligeán cumhachtaí agus forálacha cur chun feidhme

Airteagal 33

Cumhachtaí a tharmligeán chuig an gCoimisiún

D'fhonn bainistiú na gcúraimí a chur ar an leibhéal is íomchuí, ní chumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 34 maidir le leasú a dhéanamh ar Airteagal 28(3), ach amháin i dtaca le foráil a dhéanamh do gníomhaíochtaí breise a bheidh le bainistiú ag na gníomhaireachtaí náisiúnta.

Airteagal 34

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. An chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 33, déanfar í a thabhairt don Choimisiún ar feadh ré an Chláir.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 33 a

chúlghairm tráth ar bith. I gcás cinnidh maidir le cúlghairm, cuirfear deireadh leis le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis lá foilsithe an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta ina dhiaidh sin a shonrófar sa chinneadh sin. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe agus a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin méid sin an tráth céanna.

5. Ní thiofadh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 33 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Parlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó, más rud é, roimh dheireadh na thréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Cuirfear síneadh dhá mhí leis an thréimhse sin ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 35

An Clár a chur chun feidhme

D'fhonn an Clár a chur chun feidhme, glacfaidh an Coimisiún clár oibre bhliantúla trí bhithin gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 36(3). Áiríteofar le gach clár oibre bliantúil go gcuirfear chun feidhme na cuspoirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagail 4, 5, 11 agus 16 ar mhodh comhsheasmhach agus tabharfaidh siad breac-chuntas ar na torthaí ionchasacha, ar an modh cur chun feidhme agus ar a méid iomlán. Cuimseofar sna clár oibre bliantúla freisin tuairisc ar na gníomhaíochtaí a bheidh le maoiniú, léiriú ar an méid arna leithdháileadh ar gach gníomhaíocht, agus dáileadh na gcistí idir na Ballstáit i gcomhair na ngníomhaíochtaí arna mbainistiú trí na gníomhaireachtaí náisiúnta, agus tráthchlár tásach cur chun feidhme. Maidir le deontais, áireofar iontu an t-uasráta cómhaoinithe, a chuirfidh i gcuntas sainiúlachtaí na spriocghrúpaí, go háirithe a gcumas cómhaoinithe agus an bhféadfaí maoiniú a mhealladh ó thriú páirtithe. Maidir le gníomhaíochtaí a bheidh ag díriú ar eagraíochtaí ag a bhfuil cumais theoranta airgeadais, is ag 50 % ar a laghad a bheidh an ráta cómhaoinithe socraithe.

Airteagal 36

Nós imeachta coiste

1. Beidh coiste de chúnamh ag an gCoimisiún. Is é a bheidh sa choiste sin coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. Féadfaidh an coiste teacht le chéile i bhfoirmíochtaí sonracha chun déileáil le saincheistean eanála. I gcás inarb íomchuí, agus i gcomhréir lena rialacha nós imeachta agus ar bhonn ad hoc, féadfar cuireadh a thabhairt do shaineolaithe seachtracha, lena n-áirítear ionadaithe na gcomhpháirtithe sóisialta, chun a bheith rannpháirteach i gcáil breathnóirí.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

⁽¹⁾ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanann an Coimisiún ar mhaithe le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint in aghaidh calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

CAIBIDIL X

Forálacha críochnaitheacha*Airteagal 37***Aisghairm agus forálacha idirthréimhseacha**

1. Déanfar Cinneadh Uimh. 1719/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1720/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1298/2008/CE a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.

2. Déanfar gníomhaíochtaí a thionscnófar ar an 31 Nollaig 2013 nó roimhe ar bhonn Chinneadh Uimh. 1719/2006/CE, Chinneadh Uimh. 1720/2006/CE agus Chinneadh Uimh. 1298/2008/CE a riar, i gcás inarb ábhartha, i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo.

3. Áiritheoidh na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta nach gcuirfead bac ar aistriú idir na gníomhaíochtaí a rinneadh i gcomhthéacs na gclár roimhe seo i réimsí na foghlama ar feadh an tsaoil, na hóige agus an chomhair idirnáisiúnta san ardoideachas agus na gníomhaíochtaí sin atá le cur chun feidhme faoin gClár.

*Airteagal 38***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, 11 Nollaig 2013

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
V. LEŠKEVIČIUS

IARSCRÍBHINN I

TÁSCAIRÍ CHUN MEASTÓIREACHT A DHÉANAMH AR AN GCLÁR

Déanfar dlúthfhairéachán ar an gClár ar bhonn sraith táscairí atá beartaithe tomhas a dhéanamh ar a mhéid atá cuspóirí ginearálta agus sonracha an Chláir bainte amach agus d'fhonn na hualaí agus na costais riaracháin a íosláhdú. Chuige sin, baileofar sonraí maidir leis an tsraith seo a leanas de tháscairí fíorthábhachtacha.

Eoraip 2020 príomh-spríocanna oideachais	Céatadán na ndaoine idir 18-24 bliana d'aois nach bhfuil acu ach oideachas meánscoile agus nach bhfuil cláraithe in oideachas ná in oiliúint.
	Céatadán na ndaoine idir 30-34 bliana d'aois a bhfuil oideachas treasach nó a chomhionann bainte amach acu
Tagarmharc soghluaisteachta, i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle maidir le tagarmharc le haghaidh soghluaisteacht foghlama	Céatadán na gcéimithe ardoideachais ag a raibh tréimhse staidéir nó oiliúna thar lear a bhaineann le hardoideachas (lena n-áirítear socrúcháin oibre).
	Céatadán na ndaoine idir 18-34 bliana d'aois ag a bhfuil cáilíocht ghairmoiliúna nó ghairmoideachais tosaigh agus ag a raibh tréimhse staidéir nó oiliúna thar lear a bhaineann le gairmoiliúint agus gairmoiliúint tosaigh.
Cáinníochtúil (ginearálta)	Líon na foirne arna thacú ag an gclár, de réir tíre agus earnála
	Líon na rannpháirtithe a bhfuil riachtanais speisialta nó níos lú deiseanna acu.
	Líon agus cineál na n-eagraíochtaí agus na dtionscadal, de réir tíre agus de réir gníomhaíochta
An t-oideachas agus an oiliúint	Líon na ndaltaí, na mac léinn agus na n-oiliúnaithe atá rannpháirteach sa chlár de réir tíre, earnála, gníomhaíochta agus inscne
	Líon na mac léinn ardoideachais a fhaigheann tacaíocht chun staidéar a dhéanamh i dtír comhpháirtíochta, chomh maith le líon na mac léinn ó thír comhpháirtíochta a thagann chun staidéar a dhéanamh i dtír de chuid an Chláir
	Líon na n-institiúidí ardoideachais ó thíortha comhpháirtíochta a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí soghluaisteachta agus comhair
	Líon úsáideoirí Euroguidance
	Céatadán na rannpháirtithe a fuair teastas, diplóma nó cineál eile aitheantais fhoirmiúil as a rannpháirtíocht sa Chlár.
	Céatadán na rannpháirtithe a dhearbhaíonn a bpríomhinniúlachtaí a bheith feabhsaithe acu
	Céatadán na rannpháirtithe atá faoi ghluaiseacht fhadtéarmach a dhearbhaíonn go bhfuil a scileanna teanga feabhsaithe acu
	Líon na mac léinn atá ag fáil oiliúna trí ghníomhaíochtaí Jean Monnet.
An Óige	Líon na ndaoine óga atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí soghluaisteachta a dtacaíonn an Clár leo, de réir tíre, gníomhaíochta agus inscne
	Líon na n-eagraíochtaí óige ó thíortha de chuid an Chláir agus ó thíortha comhpháirtíochta araon atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí soghluaisteachta idirnáisiúnta agus comhair
	Líon úsáideoirí líonra Eurodesk
	Céatadán na rannpháirtithe a fuair teastas, mar shampla an tÓgphas, diplóma nó cineál eile aitheantais fhoirmiúil as a rannpháirtíocht sa Chlár.

	Céatadán na rannpháirtithe a dhearbhaíonn a bpríomhinniúlachtaí a bheith feabhsaithe acu
	Céatadán na rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí deonacha a dhearbhaíonn a scileanna teanga a bheith feabhsaithe acu
An Spórt	Méid bhallaíocht eagraíochtaí spóirt a dhéanann iarratas ar an gClár, agus a ghlacann páirt ann, de réir tíre
	Céatadán na rannpháirtithe a bhain úsáid as torthaí na dtionscadal trasteorann chun: (a) bagairtí don spórt a chomhrac; (b) dea-rialachas agus déghairmeacha a fheabhsú; (c) cuimsiú sóisialta, comhionannas deiseanna agus rátaí rannpháirtíochta a fheabhsú

IARSCRÍBHINN II

FAISNÉIS THEICNIÚIL MAIDIR LE SÁORÁID RÁTHÁÍOCHTA NA NIASACHTAÍ DO MHC LÉINN

1. Roghnú idirghabhálaithe airgeadais

Tar éis glao ar léiriú spéise, roghnófar idirghabhálaithe airgeadais i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr sa mhargadh i dtaobh, inter alia, an méid seo a leanas:

- (a) an méid maoiniúcháin a chuirfear ar fáil do mhic léinn;
- (b) na téarmaí is fearr is féidir arna dtairiscint do mhic léinn, faoi réir na caighdeáin íosta maidir le hiasachtú mar a leagtar amach i mír 2 a bheith á gcomhlíonadh acu;
- (c) rochtain ar airgeadas ag gach cónaitheoir thíortha an Chláir amhail dá dtagraítear in Airteagal 24(1);
- (d) bearta chun calaois a chosc; agus
- (e) a bheith ag cloí le Treoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾

2. Cosaint d'iasachtaithe

Is iad na coimircí seo a leanas na téarmaí íosta nach mór a bheith á soláthar ag na hidirghabhálaithe airgeadais ar mian leo iasachtaí mac léinn, arna ráthú ag Saoráid Rátháíochta na nIasachtaí do Mhic Léinn, a sholáthar.

- (a) ní iarrfar aon chomhlhathaobhacht ná rátháocht tuismitheora;
- (b) deonófar iasachtaí ar bhonn neamh-idirdhealaitheach;
- (c) mar chuid den phróiseas measúnaithe, déanfaidh an t-idirghabhálaí airgeadais riosca an mhic léinn maidir le dócmhainneacht na mheas, agus na leibhéil fiachais fhabhráithe agus aon bhreith dhlíthiúil le haghaidh fiach neamhíochta á gcur i gcuntas; agus
- (d) beidh aisíocaíocht bunaithe ar shamhail hibrideach, a cheanglaíonn íocaíochtaí caighdeánaithe morgáiste-bhunaithe le coimircí sóisialta, go háirithe:
 - (i) ráta úis atá i bhfad níos ísle ná rátaí an mhargaidh;
 - (ii) tréimhse cairde tosaigh roimh thús na n-aisíocaíochtaí, ar tréimhse í a mhairfidh 12 mhí ar a laghad tar éis chríochnaíochta an chláir staidéir, nó, i gcás nach bhforáiltear sa dlí náisiúnta do mhoilleanna den sórt sin, foráil a bheith ann chun aisíocaíochtaí ainmniúla a dhéanamh i rith na tréimhse 12 mhí sin;
 - (iii) foráil a bheith ann do "shaoire ó aisíocaíochtaí" ar feadh íostréimhse 12 mhí thar shaolré na hiasachta, a fhéadfar a agairt arna iarraidh sin ag an gcéimí, nó, i gcás nach bhforáiltear sa dlí náisiúnta do mhoilleanna den sórt sin, foráil a bheith ann íocaíochtaí ainmniúla a dhéanamh i rith na tréimhse 12 mhí sin;
 - (iv) an rogha a bheith ann íocaíocht an úis a iarchur le linn na tréimhse staidéir;
 - (v) árachas in aghaidh an bháis nó in aghaidh míchumais; agus
 - (vi) gan aon phionóis le haghaidh íocaíocht a dhéanamh go luath, bíodh sé go hiomlán nó go páirteach.

Féadfaidh idirghabhálaithe airgeadais aisíocaíochtaí a bheadh ag brath ar ioncam a thairiscint, chomh maith le téarmaí níos fearr amhail tréimhsí cairde níos faide, "saoire ó aisíocaíochtaí" níos faide nó aibíocht níos déanaí, chun riachtanais shainiúla na gcéimithe a chur i gcuntas, amhail iad siúd a thugann faoi staidéir dochtúireachta, nó níos mó ama a cheadú do chéimithe fostaíocht a fháil. Cuirfear san áireamh na coinníollacha feabhsaithe sin a bheith á soláthar sa nós imeachta chun na hidirghabhálaithe airgeadais á roghnú

3. Faireachán agus meastóireacht

Beidh Saoráid Rátháíochta na nIasachtaí do Mhic Léinn faoi réir faireacháin agus meastóireachta, amhail dá dtagraítear in Airteagal 21 den Rialachán seo, agus ar bhonn Airteagal 140(8) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.

⁽¹⁾ Treoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/102/CEE ón gComhairle (IO L 133, 22.5.2008, lch. 66).

Mar chuid den phróiseas seo, tuairisceoidh an Coimisiún ar éifeachtaí Shaoráid Ráthaíochta na nlasachtaí do Mhic Léinn ar na tairbhíthe agus ar na córais ardoideachais. Áireofar, inter alia, i dtuarascáil an Choimisiúin sonraí maidir le hábhair inní chomh maith le bearta arna mbeartú chun déileáil leo i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- (a) líon na mac léinn atá ag fáil iasachtaí atá á dtacú ag Saoráid Ráthaíochta na nlasachtaí do Mhic Léinn, lena n-áirítear sonraí maidir lena rátaí comhlíonta;
- (b) méid na n-iasachtaí atá faoi chonradh ag na hidirghabhálaithe airgeadais;
- (c) leibhéal na rátaí uis;
- (d) fiacha gan íoc agus na leibhéil réamhshocráithe, lena n-áirítear aon bhearta arna nglacadh ag idirghabhálaithe i gcoinne iad siúd a dhéanann mainneachtain maidir lena n-iasachtaí;
- (e) bearta chun calaois a chosc arna nglacadh ag idirghabhálaithe airgeadais;
- (f) próifíl na mac léinn a bhfuil tacaíocht á tabhairt dóibh, lena n-áirítear a gcúlra socheacnamaíoch, a dtír thionscnaimh agus a dtír chinn scríbe, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta um chosaint sonraí;
- (g) cothromaíocht gheografach an roghnúcháin; agus
- (h) cumhdach geografach na n-idirghabhálaithe airgeadais.

In ainneoin na gcumhachtaí arna dtabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ag Airteagal 140(9) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, breithneoidh an Coimisiún an ndéanfaidh sé athruithe rialála iomchuí a mholadh, lena n-áirítear athruithe reachtacha, mura sásúil an glacadh sa mhargadh tuartha nó rannpháirtíocht na n-idirghabhálaithe.

4. Buiséad

Cumhdóidh an leithdháileadh buiséadach costas iomlán Shaoráid Ráthaíochta na nlasachtaí do Mhic Léinn, lena n-áirítear na hoibleagáidí airgeadais i leith na n-idirghabhálaithe rannpháirteacha airgeadais agus glaoch á dhéanamh acu ar ráthaíochtaí páirteacha agus ar na táillí bainistíochta ón CEL.

Maidir leis an mbuiséad a shanntar don tSaoráid, dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 18(2), ní mó ná 3,5 % a bheidh ann de bhuiséad iomlán an Chláir.

5. Infheictheacht agus múscailt feasachta

Rannchuideoidh gach idirghabhálaí airgeadais le cur chun cinn Shaoráid Ráthaíochta na nlasachtaí do Mhic Léinn trí fhaisnéis a sholáthar do mhic léinn ionchasacha. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún, inter alia, an fhaisnéis is gá a thabhairt do na gníomhaireachtaí náisiúnta i dtíortha an Chláir chun a chumasú dóibh gníomhú mar idirghabhálaithe d'fhaisnéis maidir leis Saoráid Ráthaíochta na nlasachtaí do Mhic Léinn.

**RIALACHÁN (AE) Uimh. 1289/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 11 Nollaig 2013**

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe pointe (a) d'Airteagal 77(2) de, Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

après transmission du projet d'acte législatif aux parlements nationaux,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽¹⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) An sásra cómhalartachta atá le cur chun feidhme má chuireann tríú tír amháin atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle ⁽²⁾ ceanglas víosa i bhfeidhm do náisiúnaigh Bhallstáit amháin ar a laghad, is gá é a oiriúnú i bhfianaise theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin agus i bhfianaise chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le bunús dlí thánaisteacha. Ina theannta sin, is gá an sásra a oiriúint chun foráil a dhéanamh do fhreagra ón Aontas ar mhaithe le dlúthpháirtíocht, má chuireann tríú tír atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ceanglas víosa i bhfeidhm do na náisiúnaigh i mBallstát amháin ar a laghad.
- (2) Ar fhógra a fháil ó Bhallstát go bhfuil tríú tír atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ag cur ceanglais víosa i bhfeidhm le haghaidh náisiúnaigh an Bhallstáit sin, ba cheart go ngníomhódh gach Ballstát ar aon bhonn, agus freagra Aontais á thabhairt dá bhíthin sin ar chás a bhfuil éifeacht aige ar an Aontas ina iomláine agus lena gcaitear lena chuid saoránach faoi réir ar bhealach éagsúil.
- (3) Is cuspóir í an chómhalmartacht iomlán víosaí ar cheart don Aontas a shaothrú ar bhealach onnghníomhach ina chaidreamh le tríú tíortha, agus inchreidteacht agus leanúnachas bheartas seachtrach an Aontais a fheabhsú ar an mbealach sin.
- (4) Ba cheart go mbunófaí leis an Rialachán seo sásra le haghaidh fionraíocht shealadach na díolúine ón

gceanglas víosa le haghaidh tríú tíre atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ("an sásra fionraíochta") i staid éigeandála nuair atá freagairt phráinneach ag teastáil chun deacrachtaí atá ag Ballstát amháin ar a laghad a réiteach, agus tionchar ginearálta na staid éigeandála ar an Aontas Eorpach ina iomláine á chur san áireamh.

- (5) Chun críocha an tsásra fionraithe, léirítear le méadú atá tobann agus suntasach gur méadú é a sháraíonn tairseach an 50 %. Féadfaidh sé méadú níos ísliú a léiriú freisin má mheasann an Coimisiún go bhfuil sé infheidhme sa chás áirithe sin ar thug an Ballstát lena mbaineann fógra ina leith.
- (6) Chun críocha an tsásra fionraithe, léirítear le ráta íseal aitheantais ráta aitheantais maidir le hiarratais ar thearmann atá cothrom le 3 nó 4 %. Féadfaidh sé ráta aitheantais níos airde a léiriú freisin má mheasann an Coimisiún go bhfuil sé infheidhme sa chás áirithe sin ar thug an Ballstát lena mbaineann fógra ina leith.
- (7) Tá sé riachtanach aon mhí-úsáid a bheadh mar thoradh ar dhíolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh ó thríú tír i gcás cuairteanna gearrchónaithe a sheachaint agus freagairt don mhí-úsáid sin nuair a d'fhéadfadh na daoine sin beartas poiblí (ordre public) nó slándáil inmheánach na mBallstát lena mbaineann a chur i mbaol.
- (8) Ba cheart go bhforálfai leis an Rialachán seo bunús dlí don cheanglas víosa nó don díolúine ón gceanglas sin i gcás shealbhóirí doiciméad taistil, u a eisíonn eintitis áirithe arna aithint ag an mBallstát lena mbaineann mar ábhair dlí idirnáisiúnta nach eagraíochtaí idir-rialtasacha idirnáisiúnta iad.
- (9) Ó tharla nach bhfuil feidhm ag na rialacha is infheidhme i leith dídeanaithe agus daoine gan stát ar rialacha iad a tugadh isteach le Rialachán (CE) Uimh. 1932/2006 ón gComhairle ⁽³⁾ nuair atá cónaí ar na daoine sin sa Ríocht Aontaithe nó in Éirinn, is gá soiléiriú a dhéanamh ar staid na gceanglas víosa atá ar dhídeanaithe áirithe agus ar dhaoine áirithe gan stát a bhfuil cónaí orthu sa Ríocht Aontaithe nó in Éirinn. Ba cheart go ligfí do na Ballstáit, trí bhíthin an Rialacháin seo, cinneadh a dhéanamh maidir leis an díolúine víosa a thabhairt don chatagóir sin daoine nó oibleagáid a chur orthu víosa a bheith acu i gcomhréir lena n-oibleagáidí idirnáisiúnta. Ba cheart do na Ballstáit cinntí den sórt sin a chur in iúl don Choimisiún.

⁽¹⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Meán Fómhair 2013 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 5 Nollaig 2013.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle an 15 Márta 2001 lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (IO L 81, 21.3.2001, lch. 1)

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1932/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (IO L 405, 30.12.2006, lch. 23).

- (10) Ba cheart go mbeadh Rialachán Uimh. (CE) 539/2001 gan dochar do chur i bhfeidhm comhaontuithe idirnáisiúnta a chuir an Comhphobal Eorpach i gcrích roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin, oibleagáidí a fhágann gur gá imeacht ó na comhrialacha maidir le víosaí, agus cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh á chur san áireamh.
- (11) D'fhonn a áirithiú go mbeidh páirt leordhóthanach ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle sa dara céim de chur chun feidhme shásra na cómhálartachta, ráite an nádúr polaitiúil ró-íogair a ghabhann le fionraíocht na díolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh uile tríú tír atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 agus a himpleachtaí cothrománacha ar Bhallstáit, ar na tíortha a mbaineann Schengen leo agus ar an Aontas féin, go háirithe i dtaca lena gcaidreamh seachtrach agus feidhmiú ginearálta limistéir Schengen, ba cheart na cumhachtaí maidir le gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean don gCoimisiún i ndáil le gnéithe áiririthe den sásra cómhálartachta. Cuirtear san áireamh le cumhacht den sórt sin a tharmligean don Choimisiún an gá atá le plé polaitiúil faoi bheartas an Aontais maidir le víosaí i limistéar Schengen. Léirítear leis freisin an gá atá le trédhearcacht chuí agus cinnteacht reachtach a áirithiú maidir leis an sásra cómhálartachta a chur i bhfeidhm nuair a chuirtear i bhfeidhm é ar náisiúnaigh uile ón tríú tír lena mbaineann, go háirithe trí leasú sealadach comhfhreagrach ar Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 539/2001. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus gníomhartha tarmlichte á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur an tráth céanna, go tráthuil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.
- (12) D'fhonn a áirithiú go gcuirfean an sásra fionraíochta agus forálacha áirithe den sásra cómhálartachta i bhfeidhm go héifeachtach agus go háirithe chun go bhféadfar na tosca uile atá ábhartha chomh maith leis na himpleachtaí a dhéanadh a bheith ann faoi chur chun feidhme na sásraí sin a áireamh go cuí, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don gCoimisiún i ndáil leis na catagóirí a chinneadh maidir le náisiúnaigh an tríú tír lena mbaineann ar cheart dóibh a bheith faoi réir fionraíocht shealadach na díolúine ón gceanglas víosa laistigh de chreat shásra na cómhálartachta; agus faoi fhad comhfhreagrach na fionraíochta sin agus na cumhachtaí chun an sásra fionraíochta a chur chun feidhme. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011⁽¹⁾. Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun gníomhartha cur chun feidhme den sórt sin a ghlacadh.
- (13) A fhad a bhaineann leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is éard atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe a tugadh i gcrích idir Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir leis an mbaint atá ag Ríocht na hIorua le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt⁽²⁾, rud a thagann faoin réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (B), de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle⁽³⁾.
- (14) A fhad a bhaineann leis an Eilvéis, is éard atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis an mbaint atá ag Cónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt⁽⁴⁾, rud a thagann faoin réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (B) de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh in éineacht le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle⁽⁵⁾.
- (15) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo ná forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis an mbaint atá ag Cónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt⁽⁶⁾, ar forálacha iad a thagann faoin réimse dá dtagraítear i bpointe(B), Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle⁽⁷⁾.
- (16) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen nach nglacann an Ríocht Aontaithe páirt iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE⁽⁸⁾. Dá bhrí sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin agus ní bheidh sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

⁽²⁾ IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

⁽³⁾ Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur chun feidhme an Chomhaontaithe a tugadh i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin i dtaca le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm a gus forbairt acquis Schengen (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31.)

⁽⁴⁾ IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

⁽⁵⁾ Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích, ar son an Chomhphobail Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm i dtaca le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt acquis Schengen (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1.).

⁽⁶⁾ OJ L 160, 18.6.2011, p. 21.

⁽⁷⁾ Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích, ar son an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise i dtaca le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt acquis Schengen, a bhaineann le seiceálacha ag teorainneacha inmheánacha a chealú agus gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19.)

⁽⁸⁾ Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann páirt a ghlacadh i roinnt forálacha de acquis Schengen (IO L 131, 1.6.2000, lch. 43).

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ginearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (17) Is forbairt é an Rialachán seo ar fhorálacha acquis Schengen nach nglacann Éire páirt iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle ⁽¹⁾. Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin agus ní bheidh sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (18) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 leis seo mar a leanas:

- (1) Leasaítear Airteagal 1 leis seo mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. I gcás inar chuir tríú tír atá liostaithe in Iarscríbhinn II ceanglas víosa i bhfeidhm le haghaidh náisiúnach Ballstáit amháin ar a laghad, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

- (a) laistigh de 30 lá tar éis don tríú tír an ceanglas víosa a chur chun feidhme nó, i gcásanna ina gcoimeádfar an ceanglas víosa atá ann 9 Eanáir 2014, laistigh de 30 lá ón dáta sin, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann, Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas ina leith i scríbhinn.

Maidir leis an bhfógra sin:

- (i) sonrófar ann dáta cur chun feidhme an cheanglais víosa agus cineálacha na ndoiciméad taistil agus na víosaí lena mbaineann;
- (ii) áireofar leis an bhfógra sin míniú mionsonraithe ar na réamhbhearta a rinne an Ballstát lena mbaineann d'fhonn taisteal gan víosa a áirithiú leis an tríú tír lena mbaineann agus áireofar leis an fhaisnéis go léir is ábhartha.

Foilseoidh an Coimisiún faisnéis faoin bhfógra sin gan mhoill in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear faisnéis maidir le dáta cur chun feidhme an cheanglais víosa agus cineálacha na ndoiciméad taistil agus na víosaí lena mbaineann.

Má chineann an tríú tír an ceanglas víosa a tharraingt siar sula n-éagann an sprioc-am dá dtagraítear sa chéad fhomhír den phointe seo, ní thabharfar an fógra, nó, aistarraingeofar é agus ní fhoilseofar an fhaisnéis;

- (b) déanfaidh an Coimisiún, láithreach bonn tar éis dháta an fhoilsithe dá dtagraítear sa tríú fhomhír de phointe (a) agus i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann, glacfaidh an Coimisiún céimeanna, i gcomhar le húdaráis an tríú tír, go háirithe i réimsí polaitiúla, eacnamaíocha agus tráchtála, d'fhonn taisteal gan víosa a athbhunú nó a thabhairt isteach agus cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas gan mhoill maidir leis na céimeanna sin;

- (c) i gcás nach bhfuil an tríú tír tar éis an ceanglas víosa a tharraingt siar laistigh de 90 lá tar éis dáta an fhoilsithe dá dtagraítear sa tríú fhomhír de phointe (a) agus in ainneoin na gcéimeanna a glacadh i gcomhréir le pointe (b), féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a iarraidh ar an gCoimisiún an díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí do chatagóirí áirithe náisiúnach an tríú tír sin. I gcás ina ndéanfaidh Ballstát iarraidh dá shórt, cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi;

- (d) Déanfaidh an Coimisiún, agus céimeanna breise á meá aige i gcomhréir le pointe (e), pointe (f) nó pointe (h), toradh na mbeart arna nglacadh ag an mBallstát lena mbaineann chun taisteal gan víosa leis an tríú tír i gceist a áirithiú, mar aon leis na céimeanna a ghlacfar i gcomhréir le pointe (b) chun a athbhunú nó a thabhairt isteach, agus na hiarmhairtí a thagann ó fhionraí na díolúine ón gceanglas víosa i ndáil leis an gcaidreamh seachtrach a bhíonn ag an Aontas agus a Bhallstáit leis an tríú tír ábhartha si;

- (e) muna mbíonn an ceanglas víosa tarraingthe siar ag an tríú tír sin lena mbaineann, déanfaidh an Coimisiún, sé mhí ar a dhéanaí ó dháta an fhoilsithe dá dtagraítear sa tríú fhomhír de phointe (a) agus ansin ag eatraimh nach faide ná sé mhí laistigh de thréimhse iomlán nach rachaidh thar an dáta ina ngabhfaidh éifeacht leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear i bpointe (f) nó má chuirtear ina aghaidh:

- (i) gníomh cur chun feidhme a ghlacadh ar iarraidh ón mBallstát (Ballstáit) lena mbaineann nó ar a thionscnamh féin lena gcuirfear ar fionraí go sealadach, go ceann tréimhse sé mhí, an díolúine ón gceanglas víosa atá ag catagóirí áirithe náisiúnach ón tríú tír lena mbaineann; Cinnfear leis an ngníomh cur chun feidhme sin dáta, laistigh de 90 lá tar éis a theacht i bhfeidhm, ar a ngabhfaidh éifeacht le fionraí na díolúine ón gceanglas víosa, agus na hacmhainní atá ar fáil i gconsalachtaí na mBallstát á gcur san áireamh. Agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh aige, féadfaidh an Coimisiún tréimhsí breise nach faide ná sé mhí a chur leis an bhfionraí sin agus modhnú a dhéanamh ar chatagóirí na náisiúnach ón tríú tír atá i dtreis agus ar fionraíodh an díolúine ón gceanglas víosa ina leith.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4a(2). Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 4

⁽¹⁾ Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2000 maidir leis an iarraidh ó Éirinn páirt a ghlacadh i roinnt forálacha de acquis Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

den Rialachán sin, éileofar go mbeidh víosa ina sheilbh ag gach catagóir náisiúnaigh ón tríd dá dtagraítear sa ghníomh cur chun feidhme, le linn thréimhsí na fionraíochta sin, agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát; nó

- (ii) cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid an choiste dá dtagraítear in Airteagal 4a(1) lena ndéanfar measúnú ar an gcás agus ina léireofar na cúiseanna ar bheartaigh an coiste gan an díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí agus cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas maidir leis.

Cuirfear na tosca ábhartha uile, amhail iad siúd dá dtagraítear i bpointe (d), san áireamh sa tuarascáil sin. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle plé polaitiúil a dhéanamh ar bhonn na tuarascála sin;

- (f) Muna mbíonn an ceanglas víosa tarraingthe siar ag an tríd lena mbaineann laistigh de 24 mhí tar éis dháta an fhoilsithe dá dtagraítear sa tríd fomhír de phointe (a), glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmhligthe i gcomhréir le hAirteagal 4b lena gcuirfear ar fionraí sealadach, ar feadh thréimhse dhá mhí dhéag, cur i bhfeidhm Iarscríbhinn II ar feadh thréimhse 12 mhí le haghaidh náisiúnaigh an tríd lena mbaineann. Cinnfear leis an ngníomh tarmhligthe dáta, laistigh de 90 lá tar éis a theacht i bhfeidhm, ar a ngabhfaidh éifeacht leis an bhfionraí maidir le cur i bhfeidhm Iarscríbhinn II, agus na hacmhainní atá ar fáil i gconsalachtaí na mBallstát á gcur san áireamh agus lena leasófar Iarscríbhinn II dá réir. Déanfar an leasú sin trí bhithin fo-nóta a chur le hais ainm an tríd lena mbaineann, ina gcuirtear in iúl go bhfuil an díolúine ón víosa ar fionraí i ndáil leis an tríd lena mbaineann ina sainnítear thréimhse na fionraíochta sin.

Maidir leis an dáta ar a ngabhann éifeacht le fionraíocht chur i bhfeidhm Iarscríbhinn II do náisiúnaigh an tríd lena mbaineann nó i gcás ina mbíonn agóid i gcoinne an ghníomh tarmhligthe á chur in iúl de bhun Airteagal 4b(5), rachaidh aon ghníomh tarmhligthe a glacadh de bhun phointe (e) a bhaineann leis an tríd lena mbaineann.

Má tharlaíonn sé go ndéanann an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh mar a thagraítear dó i bpointe (h), cuirfear 6 mhí de shíneadh breise leis an thréimhse fionraithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír den phointe seo. Déanfar an fonóta dá dtagraítear san fhomhír sin a leasú dá réir.

Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 4, éileofar go mbeidh víosa ina sheilbh ag gach catagóir náisiúnaigh ón tríd lena mbaineann an gníomh tarmhligthe léi, le linn thréimhsí na fionraíochta sin, agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát.

- (g) aon fhógra a dhéanfaidh Ballstát eile ina dhiaidh sin de bhun phointe (a) a bhaineann leis an tríd lena mbaineann le linn thréimhse feidhme na mbearta de

réir phointí (e) go (f) i ndáil leis an tríd lena mbaineann, déanfar iad a chumasc sna nósanna imeachta leantacha sin gan fad a chur leis na sprioc-amanna nó le thréimhsí feidhme a leithéidí de bhearta;

- (h) Muna bhfuil an ceanglas víosa tarraingthe siar ag an tríd lena mbaineann laistigh de shé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an ghníomh tarmhligthe dá dtagraítear i bpointe (f), féadfaidh an Coimisiún togra reachtach chun an Rialachán seo a leasú a thíolacadh chun an tagairt don tríd lena mbaineann ó Iarscríbhinn II go dtí Iarscríbhinn I;
- (i) ní cuirfidh na nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointí (e),(f) agus (h) isteach ar an gceart atá ag an gCoimisiún togra reachtaíochta a chur isteach am ar bith lena leasaítear an Rialachán sin d'fhonn an tagairt don tríd lena mbaineann a aistriú ó Iarscríbhinn II go dtí Iarscríbhinn I;
- (j) I gcás ina gcuirfidh an tríd lena mbaineann deireadh leis an gceanglas víosa, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún faoi sin láithreach. Foilseoidh an Coimisiún an fógra gan mhoill in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Aon ghníomh cur chun feidhme nó gníomh tarmhligthe a ghlactar de bhun phointe (e) nó phointe (f) a bhaineann leis an tríd lena mbaineann, rachaidh sé in éag seacht lá tar éis an fhoilsithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír den phointe seo. Má tá ceanglas víosa tugtha isteach ag an tríd lena mbaineann i dtreis maidir le náisiúnaigh de chuid dhá Bhallstát nó níos mó, éagfaidh na gníomhartha tarmhligthe nó cur chun feidhme a bhaineann leis an tríd lena mbaineann seacht lá tar éis an fógra a fhoilsiú a bhaineann leis an mBallstát deiridh a raibh a náisiúnaigh faoi réir cheanglas víosa ag an tríd lena mbaineann. Déanfar an fonóta sa chéad fhomhír de phointe (f) a scrios tar éis don gníomh tarmhligthe lena mbaineann dul in éag. Foilseoidh an Coimisiún an fhaisnéis maidir leis an dul in éag sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* gan mhoill.

Sa chás ina gcuireann an tríd lena mbaineann deireadh leis an gceanglas víosa agus nach dtugann an Ballstát lena mbaineann aon fhógra di i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den phointe seo, leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh gan mhoill ar a thionscnamh féin leis an bhfoilsíochán dá dtagraítear sa bhfomhír sin agus beidh feidhm ag an dara fhomhír den phointe seo.";

- (b) scriostar mír 5;

- (2) cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:

"Airteagal 1a

1. De mhaolú ar Airteagal 1(2), déanfar an díolúine ón gceanglas víos do náisiúnaigh trí tír atá liostaithe in Iarscríbhinn II a chur ar fionraí go sealadach i gcásanna éigeandála, mar rogha dheiridh, i gcomhréir leis an Airteagal seo.

2. Féadfaidh Ballstát fógra a thabhairt don Choimisiún má tá ceann amháin nó níos mó de na cúinsí seo a leanas os a chomhair, thar thréimhse sé mhí, i gcomparáid leis an thréimhse chéanna sa bhliain roimhe sin nó sna sé mhí dheireanacha roimh theacht i bhfeidhm na díolúine ón gceanglas víosa maidir le náisiúnaigh tríú tír atá liostaithe in Iarscríbhinn II, a bhféadfadh cás éigeandála teacht as agus nach mbeadh an Ballstát in ann a réiteach as a stuaim féin, eadhon méadú tobann agus suntasach, i ndáil le líon:

- (a) na náisiúnach de chuid an tríú tír sin agus a mheastar a bheith ag fanacht go mídhleathach ar chríoch an Bhallstáit gan ceart a bheith acu é sin a dhéanamh;
- (b) na n-iarratas ar thearmann ó náisiúnaigh de chuid an tríú tír sin, i gcás ina bhfuil brúnna sonracha ar chóras tearmainn an Bhallstáit de thoradh méadú den sórt sin;
- (c) na n-iarratas ar athiontráil a diúltaíodh atá curtha faoi bhráid an tríú tír sin ag an mBallstát, ar mhaithe lena náisiúnaigh féin.

Maidir leis an gcomparáid leis an thréimhse sé mhí roimh chur chun feidhme na díolúine ón gceanglas víosa dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ní bheidh sí infheidhme ach amháin le linn thréimhse de sheacht mbliana ó dháta cur chun feidhme na díolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh an tríú tír sin.

Tabharfar foras cuí leis an bhfógra dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus cuimseofar leis sonraí agus staidreamh ábhartha mar aon le míniú mionsonraithe ar na réamhbhearta atá glactha ag an mBallstát lena mbaineann d'fhonn an staid a chur ina ceart. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas láithreach faoi fhógra den sórt sin.

3. Scrúdóidh an Coimisiún aon fhógra arna dhéanamh de bhun mhír 2, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

- (a) cibé acu an bhfuil aon cheann de na tosca a shainnítear i bpointe (a), pointe (b) nó pointe (c) de mhír 2 le sonrú sa chás nó nach bhfuil;
- (b) líon na mBallstát a ndéanann aon cheann de na cásanna a shonraítear i mír 2 difear dóibh;
- (c) iarmhairt iomlán na méaduithe dá dtagraítear i mír 2 ar chúrsaí imirce san Aontas i bhfianaise na sonraí a chuirfidh na Ballstáit ar fáil;
- (d) na tuarascálacha a ullmhóidh an Gníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais

Eorpaigh, an Oifig Eorpach Tacaíochta do Ghnóthaí Tearmainn nó an Oifig Eorpach Póilíní (Eurpol) má éilítear sin sa chás sonrach ar tugadh fógra faoi;

- (e) ceist fhoriomlán an bheartais phoiblí agus na slándála inmheánaí, i gcomhairliúcháin leis an mBallstát lena mbaineann.

Cuirfidh an Coimisiún torthaí a scrúdaithe in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

4. I gcás ina gcinneann an Coimisiún, ar bhonn an scrúdúcháin dá dtagraítear i mír 3, agus ag cur san áireamh na hiarmhairtí a thiocfaidh ó fhionraí na díolúine ón gceanglas víosa i ndáil le caidreamh seachtrach an Aontais agus a chuid Ballstát leis an tríú tír lena mbaineann, agus é ag obair i ndlúthchomhar leis an tríú tír sin chun réitigh fhadtéarmacha a aimsiú, gur gá dul i mbun gnímh, glacfaidh sé, laistigh de thrí mhí tar éis an fógra dá dtagraítear i mír 2 a fháil, cinneadh cur chun feidhme lena gcuirfear an díolúine ón gceanglas víosa ar fionraí go sealadach maidir leis na náisiúnaigh ón tríú tír lena mbaineann ar feadh thréimhse sé mhí. Is i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4a(2) a ghlacfar an gníomh cur chun feidhme. Cinnfear leis an gcinneadh cur chun feidhme an dáta a dtiocfaidh fionraí na díolúine ón gceanglas víosa i bhfeidhm.

Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 4, cuirfear de cheangal ar náisiúnaigh an tríú tír lena mbaineann, le linn na dtréimhsí le linn tréimhsí na fionraíochta sin, víosa bheith ina seilbh acu agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát.

5. Roimh dheireadh thréimhse bailíochta an chinnidh cur chun feidhme a ghlacfar de bhun mhír 4, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis an mBallstát nó na Ballstáit lena mbaineann, tuarascáil a chur faoi bhráid Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Féadfaidh togra reachtaíochta lena leasófar an Rialachán seo a bheith ag gabháil leis an tuarascáil d'fhonn an tagairt don tríú tír lena mbaineann a aistriú ó Iarscríbhinn II chuig Iarscríbhinn I.

6. I gcás ina mbeidh togra reachtaíochta curtha isteach ag an gCoimisiún de bhun mhír 5, féadfaidh sé bailíocht an chinnidh cur chun feidhme a ghlacfar de bhun mhír 4 a shíneadh go ceann thréimhse nach faide ná 12 mhí. Is i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4a(2) a ghlacfar an cinneadh bailíocht an ghnímh cur chun feidhme a shíneadh.

Airteagal 1b

Faoin 10 Eanáir 2018, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle a mbeidh measúnú inti ar éifeachtúlacht an tsásra chómhartaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 1(4) agus an tsásra fionraíochta dá bhforáiltear in Airteagal 1a agus, más gá, cuirfidh sé togra reachtach isteach maidir leis an Rialachán seo a leasú d'fhonn na sásraí thuasluaite a leasú. Is tríd an ngnáthnós imeachta reachtach a ghníomhóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i leith molta den sórt sin."

(3) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Féadfaidh Ballstát foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí ón gceanglas víosa dá bhforáiltear le hAirteagal 1(1) nó ón díolúine ón gceanglas víosa dá bhforáiltear le hAirteagal 1(2) i gcás na ndaoine seo a leanas:

- (a) sealbhóirí pasanna taidhleoireachta, pasanna seirbhíse/oifigiúla nó pasanna speisialta;
- (b) baill d'aerchríú agus de mhuirchríú sibhialtach agus a gcuid dualgas á gcomhlíonadh;
- (c) baill de mhuirchríú sibhialtach nuair a rachaidh siad i dtír, ar baill iad a mbeidh doiciméad aitheantais maraí acu a eisíodh i gcomhréir le Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair Uimh. 108 an 13 Bealtaine 1958 nó Uimh. 185 an 16 Meitheamh 2003 nó i gcomhréir le Coinbhinsiún na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta maidir le Muirthrácht Idirnáisiúnta a Éascú an 9 Aibreán 1965 ();
- (d) criú agus baill de mhisin éigeandála nó tarrthála i gcás tubaiste nó tionóisce;
- (e) criú sibhialtach long a bheidh ag loingsiú in uisce intíre idirnáisiúnta;
- (f) sealbhóirí doiciméad taistil a d'eisigh eagraíochtaí idirnáisiúnta idir-rialtasacha a bhfuil Ballstát amháin ar a laghad ina bhall díobh, nó a d'eisigh eintitis eile a n-aithneoidh an Ballstát lena mbaineann go bhfuil siad faoi réir an dlí idirnáisiúnta, le hoifigigh na n-eagraíochtaí nó na n-eintiteas sin."

(b) i mír 2 cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

"(d) gan dochar do na ceanglais a eascraíonn as an gComhaontú Eorpach maidir le Deireadh a chur le Víosaí do Dhídeanaithe a síníodh i Strasbourg an 20 Aibreán 1959, lena n-aithnítear dídeanaithe agus daoine gan stát agus daoine eile nach bhfuil náisiúntacht aon tíre acu agus a bhfuil cónaí orthu sa Ríocht Aontaithe nó in Éirinn agus a bhfuil doiciméad taistil acu a d'eisigh an Ríocht Aontaithe nó Éire, a aithneoidh an Ballstát lena mbaineann.";

(4) cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

"Airteagal 4a

1. Tabharfaidh coiste cúnaimh don gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag mír 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás nach dtabharfaidh an coiste tuairim uaidh, ní dhéanfaidh an Coimisiún dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 4b

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

2. Tabharfar an chumhacht chun gníomhartha tarmlichte a ghlacadh dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 1(4) don Choimisiún ar feadh tréimhse cúig bliana ón 9 Eanáir 2014. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmlichte na cumhachta. Déanfar tarmlichte na cumhachta a fhadú go hintuigthe ar feadh tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmlichte na cumhachta dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 1(4) a chúlghairm am ar bith. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmlichte na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Tiocfaidh sé i bhfeidhm an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomhartha tarmlichte atá i bhfeidhm cheana.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmlichte, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmlichte a ghlactar de bhun pointe (f) d'Airteagal 1(4) i bhfeidhm ach amháin muna mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse ceithre mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó, más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

(* Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na príonsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (OJ L 55, 28.2.2011, p. 13)."

Airteagal 2

Beidh feidhm ag Airteagal 1a de Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 arna leasú ag an Rialachán seo, agus go háirithe ag forálacha an dara fomhír ne míre sin, maidir le tríú tíortha a raibh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa maidir lena náisiúnaigh roimh an 9 Eanáir 2014".

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile is go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 11 Nollaig 2013.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
V. LEŠKEVIČIUS

**RIALACHÁN (AE) Uimh. 1290/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 11 Nollaig 2013**

**Iena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh i "Fís 2020 - an Clár réime um
Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020)" agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1906/2006**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 173, Airteagal 183 agus an dara mír d'Airteagal 188 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iníúcháirí⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach⁽³⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Bunaítear "Fís 2020 – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020)" ("Fís 2020") le Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁴⁾. Ní foláir an Rialachán sin a chomhlánú le rialacha maidir le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí indíreacha a gabhadh ar láimh faoin Chár Réime agus maidir le saothrú agus leathadh torthaí na ngníomhaíochtaí sin.
- (2) Ba cheart Fís 2020 a chur chun feidhme d'fhonn rannchuidiú go díreach le ceannaireacht thionsclaíoch agus fás agus fostaíocht a chruthú san Eoraip agus le leas na saoránach, agus ba cheart go léireofaí ann fíis straitéiseach na Teachtaireachta ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2010 dar teideal "Tionscnamh Suaitheanta de chuid Eoraip 2020 Aontas na Nuálaíochta" ina dtugann an Coimisiún air féin rochtain le haghaidh na rannpháirtithe a shimpliú go mór.
- (3) Ba cheart do Fís 2020 tacú leis an Limistéar Eorpach Taighde a bhaint amach agus lena fheidhmiú, ar limistéar é ina mbeidh taighdeoirí, eolas eolaíochta agus

teicneolaíocht i saorchúrsaíocht, trí chomhar a neartú idir an tAontas agus na Ballstáit araon, agus i measc na mBallstát, go háirithe trí thacar rialacha comhleanúnacha a chur i bhfeidhm.

- (4) Sna rialacha maidir le rannpháirtíocht, maidir le saothrú agus maidir le scaipeadh i bhFís 2020 ("na Rialacha") a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart a léiriú ar bhealach leordhóthanach moltaí Pharlaimint na hEorpa ina rún an 11 Samhain 2010 maidir le cur chun feidhme na gClár Réime um Thaighde a shimpliú⁽⁵⁾ agus moltaí na Comhairle maidir le ceanglais riaracháin agus airgeadais na gclár réime taighde a shimpliú. Ba cheart do na Rialacha leanúint leis na bearta simpliúcháin a cuireadh chun feidhme cheana féin faoi Chinneadh Uimh. 1982/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁶⁾. Ba cheart dóibh glacadh leis na moltaí a rinneadh i dtuarascáil dheiridh an tSainghrúpa dar teideal 'Meastóireacht Eatramhach ar an 7ú Clár réime' an 12 Samhain 2010 agus ba cheart go gcumasódh siad tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ualach riaracháin do rannpháirtithe agus castacht na bhforálacha airgeadais a laghdú d'fhonn rannpháirtíocht a éascú agus líon na n-earráidí airgeadais a laghdú. Ba cheart go léireofaí sna Rialacha freisin ábhair inní a d'ardaigh an pobal taighde, maraon le moltaí a rinne an pobal taighde, ar nithe iad araon atá mar thoradh ar an díospóireacht a tionscnaíodh leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2010 dar teideal "Cur chun feidhme na gclár réime taighde a shimpliú", agus an Páipéar Uaine a tháinig ina dhiaidh sin an 9 Feabhra 2011 "Ó Dhúshlán go Deiseanna: I dtreo Comhchreata Straitéisigh le haghaidh cistiúcháin AE don Taighde agus don Nuálaíocht".
- (5) Ba cheart go n-áireofaí leis an meastóireacht eatramhach a dhéanfar ar Fhís 2020 meastóireacht ar an tsamhail nua cistithe, lena n-áirítear an tionchar a bheadh aici ar leibhéil chistithe, ar rannpháirtíocht sa Chlár réime agus ar tharraingteacht Fhís 2020.
- (6) Ba cheart go n-áiritheodh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha go gcuirfeadh treoir agus faisnéis ar fáil do na rannpháirtithe uile a d'fhéadfadh a bheith ann tráth a fhoilseofar an t-iaratas ar thograí.

⁽¹⁾ IO C, lch. 318, 20.10.2012, lch. 1.

⁽²⁾ IO C, lch. 181, 21.6.2012, lch. 111.

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2013 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Samhain 2013 lena mbunaítear Fís 2020 - An Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 1982/2006/CE (Féach leathanach 104 den Iris Oifigiúil seo)

⁽⁵⁾ IO C 74E, 13.3.2012, lch. 34.

⁽⁶⁾ Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir leis an Seachtú Clár réime de chuid an Chomhphobail Eorpaigh le haghaidh an taighde, na forbartha teicneolaí agus gníomhaíochtaí taispeántais (2007-2013) (IO L 412, 30.12.2006, lch. 1).

- (7) Chun comhleanúnachas a áirithiú le cláir chistiúcháin eile de chuid an Aontais, ba cheart Fís 2020 a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ agus i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1268/2012 ón gCoimisiún ⁽²⁾, agus aird chuí á tabhairt ar chineál áirithe na ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta.
- (8) Ba cheart cur chuige comhtháite a áirithiú trí na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an Seachtú Clár Réime um thaighde, um fhorbairt teicneolaíocht agus um ghníomhaíochtaí léiriúcháin (2007-2013) a glacadh le Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE, an Clár Réime Iomaíochais agus Nuálaíochta a bunaíodh le Cinneadh Uimh 1639/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ agus an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht a bunaíodh le Rialachán (CE) 294/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ chun go mbeidh sé níos fusa bheith rannpháirteach, chun tacar níos comhleanúnaí uirlisí a chruthú agus chun an tionchar eolaíoch agus eacnamaíoch a mhéadú agus dúbailt agus ilroinnt a sheachaint ag an am céanna. Ba cheart feidhm a bheith ag comhrialacha chun creat comhleanúnach a áirithiú a éascódh rannpháirtíocht i gcláir a fhaigheann ranníocaíochtaí airgeadais ón Aontas ó bhuiséad Fís 2020, lena n-áirítear rannpháirtíocht i gcláir a bhíonn á mbainistiú ag an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht, comhghnóthais nó aon struchtúr eile faoi Airteagal 187 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus rannpháirtíocht i gcláir a ghabhann na Ballstáit ar lámh de bhun Airteagal 185 CFAE.

Ba cheart, áfach, solúbthacht a áirithiú i ndáil le rialacha sonracha a ghlacadh nuair atá bonn cirt leo de bharr riachtanas sonracha na ngníomhaíochtaí éagsúla. Chun go gcuirfí san áireamh na riachtanais shonracha oibriúcháin a shainaithnítear i gcreat ghníomh ábhartha bunaidh na gcomhlachtaí a bunaíodh faoi Airteagal 187 CFAE, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún. Tá sé thar a bheith tábhachtach go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go ndéantar

doiciméid ábhartha a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.

- (9) Ba cheart do ghníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo na cearta bunúsacha a urramú agus cloí leis na prionsabail atá luaite i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh go háirithe. Ba cheart go mbeadh gníomhaíochtaí den chineál sin i gcomhréir le haon oibleagáid dhlíthiúil lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta agus le haon chinntí ábhartha ón gCoimisiún, amhail fógra an 28 Meitheamh 2013 ⁽⁵⁾, agus le prionsabail eiticíúla, lena n-áirítear aon sárú sláine taighde a sheachaint.
- (10) I gcomhréir le cuspóirí an chomhair idirnáisiúnta a leagtar amach in Airteagal 180 agus Airteagal 186 CFAE, ba cheart rannpháirtíocht eintiteas dlíthiúil a bheidh bunaithe i dtríú tíortha agus rannpháirtíocht eagraíochtaí idirnáisiúnta a chur chun cinn. Ba cheart cur chun feidhme na Rialacha bheith i gcomhréir leis na bearta a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 agus le hAirteagal 215 CFAE agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Ina theannta sin, ba cheart a chur san áireamh i gcur chun feidhme na Rialacha, coinníollacha maidir le rannpháirtíocht eintitis an Aontais i gcláir chomhfhreagracha tríú tíortha.
- (11) Ba cheart do na rialacha foráil a dhéanamh maidir le creat cuimsitheach agus trédhearcach chun cur chun feidhme ar an mbealach is éifeachtúla is féidir a áirithiú, ag cur san áireamh an gá atá ag na rannpháirtithe ar fad, go háirithe i ndáil le micreafhiontair, fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), le rochtain éasca trí nósanna imeachta simplithe. D'fhéadfaí an cúnaimh airgeadais ón Aontas a sholáthar i bhfoirmeacha éagsúla.
- (12) I gcomhréir le prionsabal na trédhearcachta agus i dteannta an cheanglais maidir le poiblíocht a shonraítear i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 agus i Rialachán (AE) Uimh. 1268/2012, ba cheart don Choimisiún glaonna oscailte ar thograí a fhoilsiú ar leathanaigh Idirlín Fís 2020, trí chainéil shonracha faisnéise, agus ba cheart dó a áirithiú go leathfar go forleathan iad, lena n-áirítear trí na pointí náisiúnta teagmhála agus i bhformáid inrochtaine, arna iarraidh sin, i gcás ina bhfuil sé sin indéanta.
- (13) Ba cheart na critéir roghnúcháin agus dámhachtana a leagtar síos sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach trédhearcach agus ar bhonn paraiméadar oibiachtúil agus intomhaiste, agus cuspóir foriomlán Fís 2020 á thabhairt san áireamh chun Limistéar Eorpach Taighde a fheidhmeoidh go maith a bhaint amach.
- (14) Go ginearálta, an tréimhse idir an dáta deiridh chun tograí críochnaithe a chur isteach agus síniú na gcomhaontuithe deontas le hiarratasóirí nó iad a chur ar an eolas faoi chinntí deontas, ba cheart go mbeadh sí níos giorra ná an tréimhse dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 [Rialachán Airgeadais]. I gcásanna a bhfuil bonn cirt cuí leo agus le haghaidh ghníomhaíochtaí na Comhairle Eorpaí um Thaighde, ba cheart go gceadófaí tréimhse níos faide.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad bliantúil an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1268/2012 an 29 Deireadh Fómhair 2012 ón gCoimisiún maidir le rialacha cur chun feidhme Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad lena leasaítear na rialacha mionsonraithe maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L 362, 31.12.2012, lch. 1).

⁽³⁾ Cinneadh Uimh 1639/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 lena mbunaítear Clár Réime Iomaíochais agus Nuálaíochta (2007-2013) (IO L 310, 9.11.2006, lch. 15).

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) 294/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (IO L 97, 9.4.2008, lch. 1).

⁽⁵⁾ IO C 205, 19.7.2013, lch. 9.

- (15) Ba cheart don Choimisiún leanúint dá iarrachtaí chun na nósanna imeachta a shimpliú ar bhealaí atá indéanta mar thoradh ar an bhfeabhas ar chórais TF, amhail an tairseach do rannpháirtithe a shíneadh tuilleadh ar tairseach é ba cheart feidhmiú mar an t-aon phointe iontrála amháin ón tráth a fhoilsítear na laonna ar thograí, agus ina dhiaidh sin cur isteach na nglanna, go dtí go gcuirfear an ghníomhaíocht chun feidhme, agus é d'aidhm ag an gCoimisiún ionad uileghnó a bhunú. Féadfaidh an córas aiseolas a chur ar fáil d'iarraitasóirí maidir le dul chun cinn agus amlíne a n-iarratas.
- (16) Ba cheart láimhseáil sonraí rúnda agus faisnéis rúnaicmithe a rialú le dlí an Aontais ar fad is ábhartha, lena n-áirítear rialacha inmheánacha na nInstitiúidí, amhail Cinneadh 2001/844/CE CEGC, Euratom ón gCoimisiún⁽¹⁾, ina leagtar síos na forálacha maidir le slándáil fhaisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh.
- (17) Is gá na coinníollacha íosta le haghaidh rannpháirtíochta a bhunú, mar riail ghinearálta agus maidir le sonraíochtaí na gníomhaíochtaí faoi Fís 2020. Go háirithe, ba cheart rialacha a leagan síos maidir leis an líon rannpháirtithe agus na háiteanna ina mbeidh siad bunaithe. I gcás gníomhaíochta gan rannpháirtíocht eintitis a bheidh bunaithe i mBallstát, ba cheart dul i mbun na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 173 agus in Airteagal 179 CFAE a bhaint amach.
- (18) De bhun Chinneadh 2001/822/CE ón gComhairle⁽²⁾, is féidir le heintitis dhlíthiúla na dtíortha agus na gcrióch thar lear bheith rannpháirtreach i Fís 2020 faoi réir na gcoinníollacha sonraigh a leagtar síos ann.
- (19) Ba cheart don Choimisiún tráthúlacht na nglanna ar thograí agus na n-iarratas ar fhaisnéis a mheas, agus gnáth-thréimhsí saoire á dtabhairt san áireamh.
- (20) I gcás tograí nár éirigh leo, ba cheart don Choimisiún aiseolas a thabhairt do na hiarratasóirí lena mbaineann.
- (21) Le sásraí soiléire, trédhearcacha chun glaonna ar thograí ar ábhair shonraigh a fhorbairt, ba cheart cothroime iomaíochta a éascú, ba cheart go méadófaí meallacht Fhís 2020 agus go méadófaí an rannpháirtíocht.
- (22) Ba cheart don Choimisiún, i ngach gné de Fís 2020, gníomhú i gcomhréir le prionsabail an Chóid Eorpaigh
- um Dhea-Chleachtas Riaracháin mar a leagtar amach iad in Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2000/633/CE, CEGC, Euratom ón gCoimisiún⁽³⁾.
- (23) Is iomchuí téarmaí agus coinníollacha a bhunú maidir le cistiú an Aontais a sholáthar do rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí faoi Fís 2020. Chun castacht na rialuithe cistiúcháin atá ann cheana a laghdú, ba cheart córas simplithe um aisíocaíocht costais a ghlacadh ina n-úsáidí cnapshuimeanna, rátaí comhréidh agus costais aonaid ar bhealach ní b'fhearr.
- (24) Déantar tagairt do na rátaí aisíocaíochta a luaitear sa Rialachán seo mar uasrátaí d'fhonn an ceanglas neamhbhrabúis agus prionsabal an chómhaoinithe a chomhlíonadh, agus chun a cheadú do rannpháirtithe ráta níos ísle a iarraidh. I bprionsabal, ba cheart gur 100 % nó 70 % na gnáthrátaí aisíocaíochta."
- (25) Ba cheart go dtabharfaí sainmhínte na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) i ndáil le Leibhéal na hUllmhachta Teicneolaí (LUT) san áireamh i rangú an taighde teicneolaíochta, na forbartha táirge agus na gníomhaíochtaí taispeántais.
- (26) Ba cheart aghaidh a thabhairt ar dhúshlán shonraigh i réimse an taighde agus na nuálaíochta trí bhíthin cineálacha nua cistiúcháin amhail duaiseanna, soláthar réamhthráchtála, soláthar poiblí réiteach nuálaíoch, Ionstraim na FBManna agus an ghníomhaíochtaí um Chonair Mhear i dtreo na Nuálaíochta a bhfuil rialacha sonraigh a gteastáil ina leith.
- (27) Chun cothroime iomaíochta a choimeád do gach gnóthas atá gníomhach sa mhargadh inmheánach, ba cheart cistiú a sholáthraítear trí Fís 2020 a bheith i gcomhréir le rialacha Stáitchabhrach chun éifeachtacht caiteachais phoiblí a áirithiú agus chun saobhadh ar an margadh a chosc amhail cistiú príobháideach a bhrú amach, struchtúir neamhéifeachtacha margaidh a chruthú agus gnólaigh neamhéifeachtúla a chaomhnú. Maidir le cistiú gníomhaíochtaí nuálaíochta, ba cheart aire a thabhairt chun a áirithiú nach ndéanfar an iomaíocht a shaobhadh leo agus nach gcuirfear isteach ar an margadh léi gan chúis leormhaith.
- (28) Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhíthin beart comhréireach ar feadh an timthrialla caiteachais, lena n-áirítear cothromaíocht iomchuí idir iontaoibh agus rialú.
- (29) I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 996/2012, ba cheart go soláthrófaí leis na rialacha an bunús chun gnáthchleachtas chuntasáíochta na dtairbhíthe a ghlacadh ar bhonn níos leithne.

⁽¹⁾ 2011/844/CE/CEGC, Euratom: Cinneadh ón gCoimisiún an 29 Samhain 2001 lena leasaítear a Rialacha Nós Imeachta inmheánacha CIO L 317, 3.12.2001..

⁽²⁾ Cinneadh 2001/822/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2001 maidir le comhlachas na dtíortha agus na gcrióch thar lear leis an gComhphobal Eorpach ('Cinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear') (IO L 314, 30.11.2001, lch. 1)

⁽³⁾ 2000/633/ CE, CEE, Euratom: Cinneadh ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2000, lena leasaítear a Rialacha Nós Imeachta (IO L 267, 20.10.2000, lch. 63).

- (30) Tá sé léirithe gur sásra tábhachtach cosanta atá sa Chiste um Ráthaíocht Rannpháirtithe a bunaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1906/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ agus a ndéanann an Coimisiún bainistiú air, agus maolaítear leis na rioscaí a bhaineann leis na méideanna atá dlite agus nár aisíoc rannpháirtithe mainneachtana. Dá bhrí sin, ba cheart Ciste nua um Ráthaíocht Rannpháirtithe ("an Ciste") a bhunú. Chun bainistiú níos éifeachtúla agus chun cumhdach níos fearr ar riosca na rannpháirtithe a áirithiú, ba cheart don Chiste gníomhaíochtaí a chumhdach faoin gclár a bunaíodh faoi Chinneadh Uimh. 1982/2006/CE, faoin gclár a bunaíodh le Cinneadh ón gComhairle 2006/970/Euratom ⁽²⁾, faoin gclár a bunaíodh le Cinneadh ón gComhairle 2012/93/Euratom ⁽³⁾ chomh maith le gníomhaíochtaí faoi Fhís 2020 agus faoi Rialachán (Euratom) Uimh. 1314/2013 ón gComhairle ⁽⁴⁾. Níor cheart clár a ndéanann eintitis seachas comhlachtaí cistiúcháin an Aontais bainistiú orthu a chumhdach leis an gCiste.
- (31) Chun trédhearcacht a fheabhsú, ba cheart go bhfoilseofaí ainmneacha na saineolaithe a chuidigh leis an gCoimisiún nó le comhlachtaí cistiúcháin ábhartha i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo. I gcás ina mbeadh baol ann do shlándáil nó do shláine an tsaineolaí nó ina ndéanfaí dochar dá phríobháideachtas, níor cheart don Choimisiún ná do na comhlachtaí cistiúcháin na hainmneacha sin a fhoilsiú.
- (32) Ba cheart sonraí pearsanta a bhaineann leis na saineolaithe a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾.
- (33) Ba cheart rialacha maidir le saothrú agus leathadh torthaí a leagan síos chun a áirithiú go ndéanann na rannpháirtithe na torthaí sin a chosaint, a shaothrú agus a leathadh de réir mar is iomchuí agus chun an fhéidearthacht maidir le breis coinníollacha saothraithe chun leasa straitéisigh na hEorpa. Na rannpháirtithe sin a chistigh an tAontas agus a bhfuil sé beartaithe acu na torthaí a gineadh i ngeall ar an gcistiú sin a shaothrú, go príomha, i dtríú tíortha nach bhfuil bainteach le Fís 2020, ba cheart dóibh a léiriú conas a rachaidh an cistiú ón Aontas chun tairbhe do chumas iomaíochta na hEorpa i gcoitinne (prionsabal na cómhálartachta), mar a leagtar amach sa chomhaontú deontais.
- (34) I gcás taighde a d'fhéadfaí a fhorbairt tuilleadh ina theicneolaíocht núíosach míochaine (amhail. drugaí, vacsaíní agus diagnóisic míochaine), ba cheart bearta a ghlacadh chun saothrú agus leathadh láithreach bonn na dtorthaí a áirithiú, i gcás inarb iomchuí.
- (35) In ainneoin gur éirigh le hionstraimí airgeadais AE maidir le fiachas agus cothromas atá ann cheana don Taighde, don Fhorbairt agus Nuálaíocht agus don Fhás, is príomhshaincheist fós í an rochtain ar airgeadas riosca, go háirithe le haghaidh FBManna nuálaíochta. Chun an úsáid is éifeachtaí a bhaineann leis na hionstraimí maidir le fiachas agus cothromas a cheadú, ba cheart go gceadófaí dóibh bheith ceangailte lena chéile agus le deontais a chisteofar go háirithe faoi bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear faoi Fís 2020. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún, go háirithe, leanúnachas a áirithiú i leith na Saoráide Airgeadais Riosca-Roinnte (SARR) a bunaíodh faoi Chinneadh Uimh. 1982/2006/CE agus an chéim luath den tSaoráid Ardfháis agus Nuálach do FBManna (GIF1) a bunaíodh faoi Chinneadh Uimh. 1639/2006/CE faoi chuimsiú a n-ionstraimí airgeadais rathúla maidir le fiachas agus cothromas faoi Fhís 2020, 'Seirbhís iasachta agus ráthaíochta an Aontais le haghaidh Taighde agus nuálaíochta' agus 'Ionstraimí Cothromais an Aontais le haghaidh taighde agus nuálaíochta' faoi seach. Sa chomhthéacs sin, ba cheart go mbeadh tionchar díreach ar na hionstraimí airgeadais a bunaíodh faoi Fhís 2020, ag ioncaim agus aisíocaíochtaí a ghintear le haon cheann de na hionstraimí airgeadais sin.
- (36) Ba cheart don Choimisiún comhlántachtaí leordhóthanacha a áirithiú idir ionstraim na FBManna faoi Fís 2020 agus na hionstraimí airgeadais faoi Fhís 2020 agus faoi chlár COSME a bunaíodh faoi Rialachán (AE) Uimh. 1287/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾, chomh maith le scéimeanna agus ionstraimí a bheidh bunaithe go comhpháirteach leis na Ballstáit, amhail Comhchlár Eurostar ⁽⁷⁾ s.
- (37) Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla agus soiléireachta, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1906/2006 a aisghairm,

⁽¹⁾ Rialachán Uimh. 1906/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht gnóthas, ionad taighde agus ollscoileanna i ngníomhaíochtaí faoin Seachtú Clár réime agus maidir le leathadh torthaí taighde (2007-2013) (IO L 391, 30.12.2006, lch. 1).

⁽²⁾ Cinneadh ón gComhairle maidir le Seachtú Clár réime an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) le haghaidh taighde núicléach agus gníomhaíochtaí oiliúna (2007 go 2011) (IO L 400, 30.12.2006, lch. 60).

⁽³⁾ 2012/93/Euratom: Cinneadh ón gComhairle an 19 Nollaig 2011 lena mbunaítear Clár réime an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (2012-2013) (IO L 47, 18.2.2012, lch. 25).

⁽⁴⁾ Rialachán (Euratom) Uimh. 1314/2013 ón gComhairle maidir le Clár Taighde agus Traenála an Chomhphobail Eorpaigh d'Fhuinneamh Adamhach (2014-2018) lena gcomhlánaítear Fís 2020 - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (Féach leathanach 948 den Iris Oifigiúil seo)

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta á bpróiseáil ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1287/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Clár um Iomaíochas Fiontar agus um fhiontair bheaga agus mheánmhéide (COSME) (2014 - 2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1639/2006/CE (Féach leathanach 33 den Iris Oifigiúil seo).

⁽⁷⁾ Cinneadh Uimh. 743/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le rannpháirtíocht an choimisiúin i gclár taighde agus forbartha arna ghabháil ar láimh ag roinnt Ballstát arb é is aidhm dó tacú le fiontair bheaga agus mheánmhéide a dhéanann taighde agus forbairt (IO L 201, 30.7.2008, lch. 58).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

TEIDEAL I

FORÁLACHA TOSAIGH

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leagtar síos sa Rialachán seo rialacha sonracha maidir le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí indíreacha a ghabhtar ar láimh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013, lena n-áirítear rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí indíreacha a chisteofar ag comhlachtaí cistiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 9(2) den Rialachán sin.

Leagtar síos sa Rialachán seo freisin na rialacha maidir le torthaí a shaothrú agus a leathadh.

2. Faoi réir na rialacha sonraithe a leagtar síos sa Rialachán seo, beidh feidhm ag rialacha ábhartha Rialachán (AE)(Euratom) 966/2012 agus Rialachán 1268/2012.

3. Féadfar, le Rialachán (CE) Uimh. 294/2008 nó aon bhunghníomh lena gcuirtear cúraimí maidir leis an mbuiséad a chur chun feidhme de chúram ar chomhlacht cistiúcháin faoi Airteagal 185 CFAE, rialacha a bhunú a imíonn ó na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo Chun go gcuirfí san áireamh a riachtanais shonracha oibriúcháin mar a saináithníodh iad i gcreat an ghnímh bhunusaigh ábhartha bhunaidh, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 56, i ndáil le comhlachtaí cistiúcháin a bheidh bunaithe faoi Airteagal 187 CFAE chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) na coinníollacha le haghaidh rannpháirtíochta i nglaoanna ar thograí a eisíonn comhlachtaí cistiúcháin a bheidh bunaithe i réimse na haerloingseoireachta d'fhonn líon na rannpháirtithe a leagtar amach in Airteagal 9(1) a laghdú;

(b) incháilitheacht i leith cistithe mar a leagtar amach in Airteagal 10 lena gceadaítear comhlachtaí cistiúcháin a bheidh bunaithe i réimse na dtionscal bithbhunaithe agus na míochainí nuálacha chun teorainn a chur ar an incháilitheacht i leith cistithe do chineálacha sonracha rannpháirtithe;

(c) na rialacha lena rialáítear saothrú agus leathadh na dtorthaí, lena gceadaítear comhlachtaí cistiúcháin a bheidh bunaithe i réimse na míochainí nuálacha, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) chun na deiseanna chun aistriú agus ceadúnú na dtorthaí agus an réamheolais a shíneadh le haghaidh eintiteas cleamhnaithe, ceannaitheoirí agus aon eintitis chomharba, i gcomhréir leis an gcomhaontú deontas agus gan toiliú a fháil ó na rannpháirtithe eile dá dtagraítear in Airteagal 44 (1) agus (2);

(ii) chun foráil a dhéanamh do chomhaontuithe sonracha le haghaidh ceart rochtaine ar réamheolas chun forbairt a dhéanamh ar thorthaí le haghaidh tráchtálaíochta nó na torthaí tráchtálaíochta féin (saothrú díreach) dá dtagraítear in Airteagal 48 (2)go (4);

(iii) chun na rialacha a chomhlánú trí fhorálacha a thabhairt isteach maidir le húinéireacht agus rochtain ar shonraí, ar eolas agus ar fhaisnéis atá lasmuigh de chuspóirí gníomhaíochta agus nach bhfuil gá leo chun an ghníomhaíocht (seacheolas) dá dtagraítear in Airteagal 41 (2), agus in Airteagal 45 go 48 a chur chun feidhme agus a shaothrú;

(iv) chun rialacha maidir le saothrú a shíneadh chun críocha eile seachas an ghníomhaíocht (úsáid taighde) a chur chun feidhme ná forbairt a dhéanamh ar thorthaí le haghaidh tráchtálaíochta nó na torthaí tráchtálaíochta féin (saothrú díreach) dá dtagraítear in Airteagal 48;

(v) chun critéir shonracha a leagan amach chun focheadúnú a cheadú ó rannpháirtí amháin go rannpháirtí eile sa ghníomhaíocht chéanna dá dtagraítear in Airteagal 46 (2);

(vi) chun cearta rochtana na rannpháirtithe, a n-eintiteas cleamhnaithe agus tríú páirtithe a shíneadh, faoi na coinníollacha a shainítear sa chomhaontú cuibhreannais dá dtagraítear in Airteagal 24(2), mar cheadúnaithe ar thorthaí nó réamheolas chun críocha eile seachas an ghníomhaíocht (úsáid taighde) a chur chun feidhme faoi choinníollacha iomchuí lena n-áirítear téarmaí airgeadais, nó forbairt a dhéanamh ar thorthaí le haghaidh tráchtálaíochta nó na torthaí tráchtálaíochta féin (saothrú díreach) dá dtagraítear in Airteagal 46go 48.,

(vii) chun a leagan síos go mbeidh cearta rochtaine le haghaidh saothraithe dhírigh coinníollach ar chomhaontú na rannpháirtithe lena mbaineann, dá dtagraítear in Airteagal 48;

(viii) maidir leis an leathadh trí fhoilseacháin eolaíoch a bhfoirm rochtaine oscailte, dá dtagraítear in Airteagal 43(2), go mbeidh sé roghnach;

(d) cistiú a thabhairt do na gníomhaíochtaí, lena gceadaítear do chomhlachtaí cistiúcháin i réimse na gcomhphárteanna agus na gcóras leictreonach rátaí aisíocaíochta a chur i bhfeidhm atá éagsúil leis na rátaí a leagtar amach in Airteagal 28(3) i gcásanna ina dtugann Ballstát amháin nó níos mó comhchistiú do rannpháirtí nó do ghníomhaíocht.

Féadfaidh comhlacht cistiúcháin a gcuirtear cúraimí maidir leis an mbuiséad a chur chun feidhme de chúram air faoi Airteagal 58(1)(c)(i) nó 58(1)(c)(ii) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, féadfaidh sé rialacha a chur i bhfeidhm a imíonn ó na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo, faoi réir toilithe ón gCoimisiún, má éilíonn a riachtanais shonracha oibriúcháin é sin.

4. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le gníomhaíochtaí díreacha a dhéanann an tAirmheán Comhpháirteach Taighde (JRC).

Airteagal 2

Sainmhínte

1. Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn 'cearta rochtana' cearta chun torthaí nó réamheolas a úsáid faoi na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar síos i gcomhréir leis an Rialachán seo;
- (2) ciallaíonn 'eintiteas cleamhnaithe' aon eintiteas dlíthiúil atá faoi rialú díreach nó indíreach rannpháirtí, nó faoin rialú díreach nó indíreach céanna leis an rannpháirtí, nó a rialaíonn rannpháirtí go díreach nó go hindíreach; féadfaidh rialú bheith i gceist le haon cheann de na foirmeacha a leagtar amach in Airteagal 8(2);
- (3) ciallaíonn 'tír ghaolmhar' tríú tír ar páirtí í i gcomhaontú idirnáisiúnta leis an Aontas, mar a shainnítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013;
- (4) ciallaíonn 'réamheolas' sonraí, saineolas nó faiséis ar bith, is cuma cén chineál iad, inláimhsithe nó doláimhsithe, lena n-áirítear aon cheart amhail cearta maoine intleachtúla (i) atá i seilbh rannpháirtithe roimh dóibh aontú don ghníomhaíocht; (ii) ar gá iad chun an ghníomhaíocht a dhéanamh nó chun torthaí na gníomhaíochta a shaothrú; agus (iii) a shainnítear na rannpháirtithe i gcomhréir le hAirteagal 45;
- (5) ciallaíonn 'gníomh bunaidh' gníomh dlíthiúil atá glactha ag institiúidí an Aontais i bhfoirm rialacháin, teorach nó cinnidh laistigh de bhrí Airteagal 288 CFAE lena soláthraítear bonn dlíthiúil don ghníomhaíocht;
- (6) ciallaíonn 'gníomhaíocht nuálaíochta' gníomhaíocht arb é is aidhm di go príomha gníomhaíochtaí atá dírithe go díreach ar phleananna agus ar shocrúithe nó ar dhearaí a tháirgeadh i gcomhair táirgí, próiseas nó seirbhísí atá nua, athraithe nó feabhsaithe. Chuige sin, féadfaidh an méid a leanas bheith i gceist leo: fréamhshamhlú, tástáil, léiriú, píolótú, fíorú táirgí ar mhórscála, agus macasamhlú an mhargaidh;
- (7) ciallaíonn 'gníomhaíocht comhordaithe agus tacáíochta' gníomhaíocht arb é atá ann go príomha bearta tionlacain

amhail caighdeánú, leathadh, ardú feasachta agus cumarsáid, líonrú, seirbhísí comhordaithe nó tacáíochta, idirphlé beartais agus cleachtaí agus staidéir um fhoghlaim fhrithpháirteach, lena n-áirítear staidéir deartha le haghaidh bonneagair nua agus féadfaidh gníomhaíochtaí comhlántachta a bheith i gceist, amhail líonrú agus comhordú idir cláir i dtíortha éagsúla;

- (8) ciallaíonn 'leathadh' nochtadh poiblí na dtorthaí trí mheán iomchuí ar bith (seachas nochtadh mar thoradh ar na torthaí a chosaint nó a shaothrú), lena n-áirítear trí na torthaí a fhoilsiú i bhfoilseacháin eolaíochta i meán ar bith;
- (9) ciallaíonn 'saothrú' torthaí a úsáid i ngníomhaíochtaí taighde breise seachas iad sin atá clúdaithe ag an ngníomhaíocht lena mbaineann, nó chun táirge nó próiseas a fhorbairt, a chruthú agus a mhargú, nó chun seirbhís a chruthú agus a sholáthar, nó i ngníomhaíochtaí i ndáil le caighdeánú;
- (10) ciallaíonn 'coinníollacha cothroma agus réasúnacha' coinníollacha iomchuí lena n-áirítear téarmaí airgeadais nó coinníollacha saor ó ríchíosanna, agus aird á tabhairt ar chúinsí sonracha an iarrata ar rochtain, a bhféadfar a shainiú trí bhíthin luach iarbhír nó féideartha na dtorthaí nó an réamheolais a bhfuil rochtain á lorg ina leith agus/nó raon feidhme, fad nó tréithe eile an tsaothraithe atá beartaithe;
- (11) ciallaíonn 'comhlacht cistiúcháin' comhlacht nó údarás, seachas an Coimisiún, mar a thagraítear dó i bpointe (c) d'Airteagal 58(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, a gcuireann an Coimisiún de chúram orthu cúraimí maidir leis an mbuiséad a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013;
- (12) ciallaíonn 'eagraíocht idirnáisiúnta um leas Eorpach' eagraíocht idirnáisiúnta, ar Ballstáit nó tíortha gaolmhara tromlach a ball, agus a bhfuil sé mar phríomhchuspóir aici an comhar eolaíoch agus teicneolaíoch a chur chun cinn san Eoraip;
- (13) ciallaíonn 'eintiteas dlíthiúil' aon duine nádúrtha, nó aon duine dlíthiúil a chruthaítear agus a n-aithnítear iad mar sin faoin dlí náisiúnta, faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí idirnáisiúnta, a bhfuil pearsantacht dhlíthiúil aige agus a fhéadfaidh, ag gníomhú dó ina ainm féin, cearta a fheidhmiú agus a bheith faoi réir oibleagáidí;
- (14) ciallaíonn 'eintiteas dlíthiúil neamhbhrabúsach' eintiteas dlíthiúil atá neamhbhrabúsach de réir na foirme dlíthiúla atá aige nó a bhfuil sé d'oibleagáid dlíthiúil nó reachtach air gan brabús a roinnt ar a gheallsealbhoirí ná ar a chomhaltaí aonair;

- (15) ciallaíonn 'rannpháirtí' aon eintiteas dlíthiúil a dhéanann gníomhaíocht nó cuid de ghníomhaíocht faoi Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 a bhfuil cearta agus oibleagáidí aige i ndáil leis an Aontas nó le comhlacht cistiúcháin eile faoin Rialachán seo;
- (16) ciallaíonn 'gníomhaíocht chun clár a chomhchistiú' gníomhaíocht a chisteofar trí dheontas a bhfuil sé mar phríomhchuspóir aige glaonna nó clár aonair a chisteoidh eintitis, seachas comhlachtaí cistiúcháin Aontais, a bhainistíonn clár taighde agus nuálaíochta a fhorlónadh. Féadfar go n-áireofar i ngníomhaíocht chun clár a chomhchistiú gníomhaíochtaí comhlántacha líonraithe agus comhordaithe idir clár i dtíortha éagsúla;
- (17) ciallaíonn 'soláthar réamhthráchtála' soláthar seirbhísí taighde agus forbartha a mbaineann roinnt an riosca-sochair faoi dhálaí margaidh leo, agus forbairt iomaíoch i gcéimeanna, ina bhfuil scaradh soiléir idir na seirbhísí taighde agus forbartha a sholáthraítear ó úsáid cainníochtaí tráchtála de na táirgí deiridh;
- (18) ciallaíonn 'an soláthar poiblí de réitigh nuálaíochta' soláthar i gcás ina bhfeidhmíonn údaráis chonartha mar chustaiméir chéadtrialach le haghaidh earraí nó seirbhísí nuálaíochta nach bhfuil ar fáil fós ar bhonn tráchtála ar mhórscaála, agus féadfar tástáil chomhlíontachta a áireamh leis sin;
- (19) ciallaíonn 'torthaí' aon aschur inláimhsithe nó doláimhsithe de chuid na gníomhaíochta, amhail sonraí, eolas agus faisnéis, a ghintear sa ghníomhaíocht, is cuma cén chineál é agus is cuma an féidir é a chosaint nó nach féidir, mar aon le cearta ar bith atá ag gabháil leis, lena n-áirítear cearta maoinne intleachtúla;
- (20) ciallaíonn 'FBM' micrifhiontair agus fiontair bheagmhéide agus mheánmhéide, mar a shainmhínítear i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún ⁽¹⁾.
- (21) ciallaíonn 'clár oibre' an doiciméad a ghlacann an Coimisiún chun an clár sonracha a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 5 de Chinneadh 2013/743/AE ⁽²⁾;
- (22) ciallaíonn 'plean oibre' an doiciméad atá comhchosúil le clár oibre an Choimisiúin a ghlacann na comhlachtaí cistiúcháin a gcuirtear de chúram orthu Fís 2020 a chur chun feidhme i bpáirt i gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013.

⁽¹⁾ Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir leis an sainmhíniú ar mhicreafhiontair, fhiontair bheaga agus fhiontair mheánmhéide (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

⁽²⁾ Cinneadh 2013/743/AE ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear an Clár Sonracha lena gcuirtear Chun Feidhme Fís 2020 - An Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014 - 2020) (Féach leathanach 965 den Iris Oifigiúil seo).

2. Chun críocha an Rialacháin seo, meastar go bhfuil eintiteas nach bhfuil pearsantacht dhlíthiúil aige faoin dlí náisiúnta is infheidhme comhshamhlaithe le heintiteas dlíthiúil ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 131(2) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 agus Airteagal 198 de Rialachán Uimh. 1268/2012 ón gCoimisiún.

3. Chun críocha an Rialacháin seo, ní mheasfar gur comhlachtaí cistiúcháin iad faighteoirí deontais.

Airteagal 3

Rúndacht

Faoi réir na gcoinníollacha a bunófar sna comhaontuithe cur chun feidhme, cinntí cur chun feidhme nó conarthaí cur chun feidhme, sonraí, eolas nó faisnéis ar bith a luaitear a bheith rúnda i gcreat gníomhaíochta, coinneofar rúnda iad, agus aird chúí á tabhairt ar dhlí an Aontais maidir le cosaint na faisnéise rúnaicmithe agus rochtain uirthi.

Airteagal 4

Faisnéis atá le cur ar fáil

1. Gan dochar d'Airteagal 3, cuirfidh an Coimisiún ar fáil d'institiúidí, do chomhlachtaí, d'oifigí nó do ghníomhaireachtaí an Aontais agus d'aon Bhallstát nó tír ghaolmhar, arna iarraidh sin, aon fhaisnéis úsáideach atá ina sheilbh aige a bhaineann le torthaí a ghinídh rannpháirtí laistigh de ghníomhaíocht a chistigh an tAontas, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) go bhfuil an fhaisnéis lena mbaineann ábhartha maidir le beartas poiblí;
- (b) nár sholáthar na rannpháirtithe cúiseanna fóna leordhóthanacha chun an fhaisnéis lena mbaineann a choinneáil siar.

I gcás gníomhaíochtaí faoin gcuspóir sonracha 'Sochaithe slána - Saoirse agus slándáil na hEorpa agus a saoránaigh a chosaint', déanfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin, aon fhaisnéis úsáideach atá ina sheilbh aige a chur ar fáil d'institiúidí, do chomhlachtaí, d'oifigí agus do ghníomhaireachtaí an Aontais nó d'údaráis náisiúnta na mBallstát maidir le torthaí a ghinídh rannpháirtí laistigh de ghníomhaíocht a chistigh an tAontas. Cuirfidh an Coimisiún fógra chuig an rannpháirtí a bhaineann le cumarsáid den sórt sin. I gcás go n-iarraídh Ballstát nó institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais go gcuirfí faisnéis chuige, cuirfidh an Coimisiún fógra maidir leis an gcumarsáid sin chuig na Ballstáit go léir.

2. Ní mheasfar go n-aistrefar aon cheart nó oibleagáid de chuid an Choimisiúin ná na rannpháirtithe chuig an bhfaighteoir leis an bhfaisnéis a chuirfear ar fáil de bhun mhír 1. Mar sin féin, láimhseálfad an faighteoir an fhaisnéis sin mar fhaisnéis rúnda ach amháin má phoiblítear é nó má chuireann na rannpháirtithe ar fáil go poiblí é, nó má cuireadh in iúl don Choimisiún é gan srianta maidir le rúndacht. Beidh feidhm ag rialacha an Choimisiúin maidir le slándáil i ndáil le faisnéis rúnaicmithe.

*Airteagal 5***Treoir agus faisnéis do rannpháirtithe a d'fhéadfadh a bheith ann**

I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 agus Rialachán (AE) Uimh. 1268/2012, áiríteoidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha go gcuirfear treoir leordhóthanach agus faisnéis leordhóthanach ar fáil do na rannpháirtithe uile a d'fhéadfadh a bheith ann tráth a fhoilseofar an glao ar thograí, go háirithe an comhaontú samplach deontais is infheidhme.

TEIDEAL II

RIALACHA MAIDIR LE RANPHÁIRTÍOCHT

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta*Airteagal 6***Cineálacha cistiúcháin**

I gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013, féadfaidh cineál amháin cistiúcháin nó níos mó dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 a bheith ann, go háirithe deontais, duaiseanna, soláthar nó ionstraimí airgeadais.

*Airteagal 7***Eintitis dhlíthiúla a fhéadfaidh bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí**

1. Féadfaidh aon eintiteas dlíthiúil, beag beann ar áit a bhunaithe, nó aon eagraíocht idirnáisiúnta bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo mar aon le haon choinníoll a leagtar síos sa chlár oibre nó sa phlean oibre ábhartha.

2. Féadfaidh an clár oibre ábhartha rannpháirtíocht eintiteas dlíthiúil i bhFís 2020, nó codanna de, a shrianadh más eintitis dhlíthiúla iad a bheidh bunaithe i dtríú tíortha ina measann an Coimisiún gur chun dochar leasanna an Aontais atá coinníollacha le haghaidh rannpháirtíochta eintiteas dlíthiúil ó na Ballstáit, nó rannpháirtíochta a n-eintiteas cleamhnaithe a bheidh bunaithe i dtríú tíortha, i gclár taighde agus nuálaíochta an tríú tír.

3. Féadfaidh an clár oibre nó an plean oibre ábhartha eintitis nach bhfuil in ann ráthaíochtaí sásúla slándála a sholáthar, lena n-áirítear ráthaíochtaí maidir le himréiteach slándála, a eisiaimh má tá bonn cirt leis ar chúiseanna slándála.

4. Féadfaidh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí leis na cearta agus na hoibleagáidí céanna le heintiteas dlíthiúil a bheidh bunaithe i mBallstát.

*Airteagal 8***Neamhspleáchas**

1. Measfar go bhfuil dhá eintiteas dhlíthiúla neamhspleách ar a chéile i gcás nach bhfuil ceachtar acu faoi rialú díreach nó indíreach an eintitis eile nó faoin rialú díreach nó indíreach

céanna leis an eintiteas eile.

2. Chun críocha mhír 1, féadfaidh ceachtar den dá chineál rialaithe seo a bheith ann:

(a) seilbh dhíreach nó indíreach ar níos mó ná 50 % de luach ainmniúil an scairchaipitil eisithe san eintiteas dlíthiúil lena mbaineann, nó tromlach chearta vótála na scairshealbhóirí nó chomhlacha an eintitis sin;

(b) seilbh dhíreach nó indíreach, i bhfirinne nó i ndlí, ar chumhachtaí cinnteoireachta san eintiteas dlíthiúil lena mbaineann.

3. Chun críocha mhír 1, ní mheasfar gur ionann na caidrimh seo a leanas idir eintitis dhlíthiúla agus caidrimh rialaithe:

(a) seilbh dhíreach nó indíreach ar níos mó ná 50 % de luach ainmniúil an scairchaipitil eisithe nó tromlach chearta vótála na scairshealbhóirí nó na gcomhlach a bheith ag an gcorparáid infheistíochta poiblí chéanna, an t-infheisteoir institiúideach céanna nó an chuideachta caipitil fiontair chéanna;

(b) úinéireacht ag an gcomhlacht poiblí céanna ar na heintitis dhlíthiúla, nó déanann an comhlacht poiblí céanna maoirseacht orthu.

CAIBIDIL II

Deontais

Roinn I

Nós imeachta um dhámhachtain*Airteagal 9***Coinníollacha le haghaidh rannpháirtíochta**

1. Beidh feidhm ag na coinníollacha íosta seo a leanas:

(a) beidh ar a laghad trí eintiteas dhlíthiúla rannpháirteach i ngníomhaíocht;

(b) bunófar gach ceann de na trí eintiteas dhlíthiúla sin i mBallstát éagsúil nó i dtír chomhlachaithe; agus

(c) beidh na trí eintiteas dhlíthiúla dá dtagraítear i bpointe (b) neamhspleách ar a chéile de réir bhrí Airteagal 8.

2. Chun críocha mhír 1, i gcás inarb é an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, nó eagraíocht idirnáisiúnta um leas Eorpach, nó eintiteas a cruthaíodh faoi dhlí an Aontais ceann de na rannpháirtithe, measfar go mbeidh sé bunaithe i mBallstát nó i dtír ghaolmhar seachas Ballstát nó tír ghaolmhar ina bhfuil rannpháirtí sa ghníomhaíocht chéanna bunaithe.

3. De mhaolú ar mhír 1, is í an choinníoll íosta rannpháirtíocht eintitis dhlíthiúil amháin a bheidh bunaithe i mBallstát nó i dtír chomhlachaithe, i gcás

- (a) gníomhaíochtaí taighde 'ar theorainneacha an eolais' atá á ndéanamh ag an gComhairle Eorpach um Thaighde;
- (b) ionstraim na FBManna, i gcás ina bhfuil luach breise Eorpach atá soiléir ag an ngníomhaíocht,
- (c) gníomhaíochtaí comhchistithe clár; agus
- (d) i gcásanna a bhfuil bonn cirt leo agus a ndéantar foráil dóibh sa chlár oibre nó sa phlean oibre.

4. De mhaolú ar mhír 1, i gcás gníomhaíochtaí comhordaithe agus tacaíochta agus gníomhaíochtaí oiliúna agus soghluaiseachta, is í an choinníoll íosta rannpháirtíocht eintitis dhlíthiúil amháin.

5. I gcás inarb iomchuí agus nuair a bheidh bonn cirt cú leis, féadfar foráil a dhéanamh i gclár oibre nó i bpleananna oibre maidir le breis coinníollacha de réir ceanglas sonrath beartais nó de réir an chineáil gníomhaíochta nó chuspóirí na gníomhaíochta, lena n-áirítear inter alia coinníollacha maidir le líon na rannpháirtithe, an cineál rannpháirtí agus an áit ina mbeidh siad bunaithe.

Airteagal 10

Incháilitheacht le haghaidh cistiúcháin

1. Tá na rannpháirtithe seo a leanas incháilithe le haghaidh cistiúcháin ón Aontas:

- (a) eintiteas dlíthiúil ar bith a bheidh bunaithe i mBallstát nó i dtír ghaolmhar, nó a cruthaíodh faoi dhlí an Aontais;
- (b) aon eagraíocht idirnáisiúnta um leas Eorpach;
- (c) aon eintiteas dlíthiúil a bheidh bunaithe i dtríú tír agus a shaineofar sa chlár oibre.

2. I gcás eagraíochta idirnáisiúnta rannpháirtí, nó i gcás eintitis dhlíthiúil rannpháirtigh atá bunaithe i dtríú tír, nach bhfuil ceachtar acu incháilithe le haghaidh cistiúcháin de réir mhír 1, féadfar cistiú ón Aontas a dheonú ar choinníoll go gcomhlíonfar ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

- (a) measfar go bhfuil rannpháirtíocht riachtanach chun go ndéanfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha an ghníomhaíocht;
- (b) déanfar foráil maidir leis an gcistiú sin faoi chomhaontú déthaobhach eolaíoch agus teicneolaíoch nó faoi aon socrú eile idir an tAontas agus an eagraíocht idirnáisiúnta

nó, i gcás eintiteas a bheidh bunaithe i dtríú tír, idir an tAontas agus an tír ina mbeidh an t-eintiteas dlíthiúil bunaithe.

Airteagal 11

Glaonna ar thograí

1. Eiseofar glaonna ar thograí i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 agus Rialachán (AE) Uimh. 1268/12, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar an ngá le trédhearcacht agus neamh-idirdhealú, agus le solúbthacht a bheidh iomchuí i leith chineál éagsúil earnáil an taighde agus earnáil na nuálaíochta.

2. Mar eisceacht agus gan dochar do na cásanna eile dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 agus i Rialachán (AE) Uimh. 1268/2012, ní eiseofar glaonna ar thograí i ndáil le gníomhaíochtaí comhordaithe agus tacaíochta ná gníomhaíochtaí chun clár a chomhchistiú a dhéanfaidh eintitis dhlíthiúla a dhéantar a shainaithint sna clár oibre nó sna pleananna oibre, ar choinníoll nach dtagann an ghníomhaíocht faoi raon feidhme glao ar thograí.

3. I gcomhréir le rialacha ábhartha Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, agus Rialachán (AE) Uimh. 1268/2012, soláthrófar tréimhsí ama leordhóthanacha chun iarratais a ullmhú, a mbeidh fógra réasúnach ag baint leo i leith glaonna do thograí a bheidh ag teacht chun cinn trí chlár oibre a fhoilsiú agus tréimhse ama réasúnach idir glao do thograí a fhoilsiú agus an spriocdháta chun togra a chur isteach.

Airteagal 12

Glaonna coiteanna i gcomhar le tríú tírthá nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta

1. Féadfar glaonna coiteanna ar thograí i gcomhar le tríú tírthá nó lena n-eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí eolaíoch agus teicneolaíoch nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta a eisiúint chun comhchistiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí i réimsí tosaíochta comhleasa agus ina mbeifí ag súil le comhthairbhe i gcás ina bhfuil breisluch soiléir don Aontas. Déanfar tograí a mheas agus a roghnú trí bhithin nósanna imeachta coiteanna meastóireachta agus roghnúcháin a chinnfear. Áiríteoidh na nósanna imeachta meastóireachta agus roghnúcháin sin go gcomhlíonfar na prionsabail a leagtar amach i dTeideal VI de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 agus bainfidh grúpa cothrom de shaineolaithe neamhspleácha leis, iad á gceapadh ag gach páirtí.

2. Tabharfaidh eintitis dhlíthiúla a fhaigheann cistiú ón Aontas comhaontú deontais i gcrích leis an Aontas nó leis an gcomhlacht cistiúcháin ábhartha. Áireofar sa chomhaontú deontais sin cur síos ar an obair atá le déanamh ag na rannpháirtithe sin agus ag na heintitis dhlíthiúla rannpháirteacha ó na tríú tírthá lena mbaineann.

3. Tabharfaidh eintitis dhlíthiúla a fhaigheann cistiú ón Aontas comhaontú comhordaithe i gcrích leis an heintitis dhlíthiúla rannpháirteacha a fhaigheann cistiú ó na tríú tírthá ábhartha nó ó eagraíochtaí idirnáisiúnta.

*Airteagal 13***Tograí**

1. Áireofar sna tograí dréachtphlean chun na torthaí a shaothrú agus a leathadh, nuair a fhoráiltear dó sin sa chlár oibre nó sa phlean oibre.
2. Áireofar in aon togra maidir le gaschealla suthacha daonna, de réir mar is iomchuí, sonraí faoi bhearta ceadúnaithe agus rialaithe a ghlacfaidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann mar aon le sonraí faoi na formheasanna eiticíúla a sholáthrófar. Maidir le díorthú na ngascheall suthach daonna, beidh institiúidí, eagraíochtaí agus taighdeoirí faoi réir ceadúnú agus rialú dian i gcomhréir le creat dlíthiúil na mBallstát lena mbaineann.
3. Togra atá ag teacht salach ar phrionsabail eiticíúla nó ar aon reachtaíocht is infheidhme, nó togra nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i gCinneadh Uimh. /2013/AE, sa chlár oibre, nó sa phlean oibre nó sa ghlaó ar thograí, féadfar an togra sin a eisiamh ó na nósanna imeachta meastóireachta, roghnúcháin agus dámhachtana tráth ar bith.
4. I gcás inarb ábhartha agus ina sonraítear dó sa chlár oibre nó sa phlean oibre, míneofar leis na tograí cén chaoi a bhfuil anailís inscne ábhartha d'ábhar an tionscadail atá beartaithe agus a mhéid a bhfuil sí ábhartha.

*Airteagal 14***Athbhreithniú eitice**

1. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithnithe eitice ar bhonn córasach i ndáil le tograí a mbaineann ceisteanna eiticíúla leo. Fíorófar san athbhreithniú sin go bhfuil prionsabail eiticíúla agus reachtaíocht á n-urramú agus, i gcás taighde atá á dhéanamh lasmuigh den Aontas, go gceadófaí an taighde céanna a dhéanamh i mBallstát.
2. Déanfaidh an Coimisiún próiseas an athbhreithnithe eitice a thrédhearcaí is féidir agus áiritheoidh sé go ndéanfar é ar bhealach tráthúil lena seachnófar, i gcás inarb iomchuí, na doiciméid a chur isteach an athuair.

*Airteagal 15***Critéir roghnúcháin agus dámhachtana**

1. Déanfar na tograí a chuirfear isteach a mheas ar bhonn na gcritéar dámhachtana seo a leanas:
 - (a) sármhaitheas;
 - (b) tionchar;
 - (c) cáilíocht agus éifeachtúlacht an chur chun feidhme.
2. Ní bheidh feidhm ach ag an gcritéar dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 maidir le tograí maidir le gníomhaíochtaí 'ar theorainneacha an eolais' a dhéanfaidh CET.

3. Maidir leis an gcritéar dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1, féadfar ualú níos airde a thabhairt don tionchar mar chritéar i gcás tograí le haghaidh gníomhaíochtaí nuálaíochta.

4. Leagfar síos sa chlár oibre nó sa phlean oibre breis sonraí maidir le cur i bhfeidhm na gcritéar dámhachtana a leagtar síos i mír 1, agus sonrúfar ann ualuithe agus tairseacha.

5. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh an fhéidearthacht go bhféadfaí nós imeachta taiscithe dhá chéim dá bhforáiltear le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 agus le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1268/2012, i gcás inarb iomchuí agus ina bhfuil an méid sin comhsheasmhach le cuspóirí an ghlaó.

6. Déanfar tograí a rangú de réir na dtorthaí meastóireachta. Déanfar an roghnúchán ar bhonn an rangaithe sin.

7. Déanfaidh saineolaithe neamhspleácha an mheastóireacht.

8. I gcás eintitis dhlíthiúil dá dtagraítear in Airteagal 11(2) nó i gcúinsí eisceachtúla eile a bhfuil bonn cirt cuí leo, féadfar an mheastóireacht a dhéanamh ar bhealach lena maolaítear ó mhír 7. I ngach cás ina ndéantar an mheastóireacht sin, cuirfidh an Coimisiún faisnéis mhionsonraithe maidir leis an nós imeachta meastóireachta a úsáideadh agus maidir lena thoradh ar fáil do na Ballstáit.

9. I gcás inarb ionann an cistiú atá á iarraidh ar an Aontas don ghníomhaíocht agus EUR 500 000, nó i gcás inar mó ná sin é déanfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha, trí mheáin a thagann leis an dlí náisiúnta, acmhainn airgeadais na gcomhordaitheoirí agus a n-acmhainn siúd amháin a fhíorú roimh ré, cibé uair a bhfuil forais amhrais ann, de réir na faisnéise atá ar fáil, maidir le hacmhainn airgeadais an chomhordaitheora agus na rannpháirtithe eile.

10. Ní fíorófar an acmhainn airgeadais i ndáil le heintitis dhlíthiúla a ráthaíonn Ballstát nó tír chomhlachaithe a n-inmharthanacht nó i ndáil le hardionaid oideachais nó le hionaid mheánoideachais.

11. Féadfaidh aon eintiteas dlíthiúil eile acmhainn airgeadais a ráthú, agus déanfar a acmhainn airgeadais siúd, ar a uain, a fhíorú i gcomhréir le mír 9.

*Airteagal 16***An nós imeachta athbhreithnithe ar mheastóireacht**

1. Cuirfidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha nós imeachta athbhreithnithe ar mheastóireacht atá trédhearcaí ar fáil d'iarratasóirí a mheasann nach ndearnadh an mheastóireacht ar a dtogra i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach sa Rialachán seo, sa chlár oibre, sa phlean oibre ábhartha nó sa ghlaó ar thograí.

2. Bainfidh iarratas ar athbhreithniú le togra ar leith, agus cuirfidh comhordaitheoir an togra isteach é laistigh de 30 lá ón dáta a chuirfidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha an comhordaitheoir ar an eolas faoi thorthaí na meastóireachta.

3. Is é an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha a bheidh freagrach as an iarratas dá dtagraítear i mír 2 a scrúdú. Ní chumhdófar leis an scrúdú sin ach gnéithe na meastóireachta a bhaineann le nós imeachta, agus ní chumhdófar leis fiúntas an togra.

4. Soláthróidh coiste athbhreithnithe ar mheastóireacht ar a bhfuil foireann ón gCoimisiún nó foireann ón gcomhlacht cistiúcháin ábhartha tuairim ar ghnéithe nós imeachta an phróisis meastóireachta. Oifigeach ón gCoimisiún nó ón gcomhlacht cistiúcháin ábhartha a bheidh ina chathaoirleach air, ó roinn nach é an roinn atá freagrach as an nglao ar thograí. Féadfaidh an coiste ceann acu seo a leanas a mholadh:

(a) go ndéanfadh meastóirí ar meastóirí iad go príomha nach raibh baint acu sa mheastóireacht tosaigh athmheastóireacht ar an togra;

(b) an mheastóireacht tosaigh a dhearbhu.

5. Ar bhonn an mholta dá dtagraítear i mír 4, glacfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha Cinneadh agus cuirfeadh in iúl do chomhordaitheoir an togra é. Déanfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha an cinneadh sin gan mhoill mhíchuí.

6. Ní chuirfidh an nós imeachta athbhreithnithe moill ar phróiseas roghnúcháin na dtograí nach ábhar na n-iarratas ar athbhreithniú na tograí sin.

7. Ní chuirfidh an nós imeachta athbhreithnithe bac ar aon ghníomhaíocht eile a fhéadfaidh an rannpháirtí a ghlacadh i gcomhréir le dlí an Aontais.

Airteagal 17

Fiosrúcháin agus gearáin

1. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh nós imeachta ann chun gur féidir le rannpháirtithe fiosrúcháin nó gearáin a dhéanamh faoina rannpháirtíocht i Fís 2020.

2. Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfeadh faisnéis faoin gcaoi a dhéantar ábhar inní, fiosrúcháin nó gearáin a chlárú ar fáil do na rannpháirtithe ar fad agus go bhfoilseofar í ar líne.

Airteagal 18

Comhaontú deontais

1. Dréachtóidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, comhaontuithe samplacha deontais idir an Coimisiún agus na rannpháirtithe nó idir an comhlacht ábhartha

cistiúcháin agus na rannpháirtithe i gcomhréir leis an Rialachán seo. Má tá gá le modhnú mór ar chomhaontú deontais samplach, déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, é a athbhreithniú i gcás inarb iomchúí.

2. Rachaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha i mbun comhaontú deontais leis na rannpháirtithe. Chun eintiteas a bhaint as nó a ionadú roimh an gcomhaontú deontais a shíniú, caithfeadh bonn cirt cuí a bheith leis.

3. Bunófar leis an gcomhaontú deontais cearta agus oibleagáidí na rannpháirtithe, agus cearta an Choimisiúin nó an chomhlachta cistiúcháin ábhartha chomh maith agus an Rialachán seo á chomhlíonadh. Bunófar leis freisin cearta agus oibleagáidí na n-eintiteas dlíthiúil ar rannpháirtithe iad le linn chur chun feidhme na gníomhaíochta chomh maith le ról agus cúraimí chomhordaitheoir an chuibhreannais.

4. Ar bhonn ceanglais i gclár oibre nó i bplean oibre, leis an gcomhaontú deontais féadfar cearta agus oibleagáidí na rannpháirtithe a bhunú maidir le cearta rochtana, saothrú agus leathadh, sa bhreis orthu sin a leagtar síos sa Rialachán seo.

5. Léireoidh an comhaontú deontais, i gcás inarb iomchúí agus a mhéid is féidir, na prionsabail ghinearálta a leagtar síos sa Mholadh ón gCoimisiún ar an gCairt Eorpach do Thaighdeoirí agus an Cód Iompair maidir le Taighdeoirí a Earcú, lena n-áirítear prionsabail na sláine taighde, an Moladh ón gCoimisiún maidir le maoin intleachtúil i ngníomhaíochtaí aistrithe eolais a bhainistiú, an Cód Cleachtas d'ollscoileanna agus d'institiúidí poiblí taighde eile chomh maith le prionsabal an chomhionannais inscne a leagtar síos in Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013.

6. Beidh san áireamh sa chomhaontú deontais, i gcás inarb iomchúí, forálacha lena n-áirítear go n-urramófar prionsabail eiticíúla, lena n-áirítear trí bhord neamhspleách eitice a bhunú chomh maith le ceart an Choimisiúin chun iniúchadh eitice a dhéanamh ag saineolaithe neamhspleácha.

7. I gcásanna a bhfuil bonn cirt cuí leo, féadfaidh deontais shonracha le haghaidh gníomhaíochtaí bheith mar chuid de chreat comhpháirtíochta i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 agus Rialachán (AE) Uimh. 1268/2012.

Airteagal 19

Cinntí deontais

I gcás inarb iomchúí, agus i gcásanna a bhfuil bonn cirt cuí leo, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 121(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 fógra a thabhairt maidir le cinntí deontais seachas dul i mbun comhaontuithe deontais, nó féadfaidh an comhlacht cistiúcháin ábhartha é sin a dhéanamh chomh maith. Na forálacha sa Rialachán seo lena dtagraítear do chomhaontuithe deontais, beidh feidhm acu *mutatis mutandis*.

*Airteagal 20***Am chun deontais a thabhairt**

1. I gcomhréir le hAirteagal 128(2) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, sonrúfar sna glaonna ar thograí an dáta a bhfuil sé pleanáilte faoina gcuirfear na hiarratasóirí go léir ar an eolas maidir le toradh mheastóireacht a n-iarratais agus an dáta tascach maidir le síniú comhaontuithe deontais nó fógra maidir le cinní deontais.
2. Beidh na dátaí dá dtagraítear i mír 1 bunaithe ar na tréimhsí seo a leanas:
 - (a) maidir leis na hiarratasóirí go léir a chur ar an eolas faoi thoradh mheastóireacht eolaíoch a n-iarratais, uastréimhse chúig mhí ón dáta deiridh chun na tograí iomlána a chur isteach;
 - (b) maidir le comhaontuithe deontais a shíniú le hiarratasóirí nó iad a chur ar an eolas faoi chinní deontais, uastréimhse trí mhí ón dáta a gcuirfear iarratasóirí ar éirigh leo ar an eolas.
3. Féadfar go sárófar na tréimhsí sin do ghníomhaíochtaí CET agus i gcásanna eisceachtúla a bhfuil bonn cirt cuí leo, go háirithe ina bhfuil na gníomhaíochtaí casta, i gcás ina bhfuil líon mór tograí nó arna iarraidh sin do na hiarratasóirí.
4. Tabharfar dóthain ama do rannpháirtithe an fhaisnéis agus na doiciméid a cheanglaítear le haghaidh síniú an chomhaontaithe deontais a chur isteach. Déanfaidh an Coimisiún cinní agus iarratais ar fhaisnéis a thapúla is féidir. Déanfar athchur isteach doiciméad a sheachaint, a mhéid is féidir.

*Airteagal 21***Am chun íocaíocht a dhéanamh**

Íocfar rannpháirtithe in am tráthúil i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012. Nuair a íocfar an comhordaitheoir, cuirfidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha na rannpháirtithe ar an eolas ina leith.

*Airteagal 22***Córas leictreonach slán**

Maidir leis na malartuithe sonraí uile a dhéanfar leis na rannpháirtithe, lena n-áirítear na comhaontuithe deontais a chríochnú, fógra a dhéanamh faoi na cinní deontais agus aon leasú orthu sin, féadfar iad a dhéanamh trí chóras leictreonach malartaithe sonraí a bhunóidh an Coimisiún nó an comhlacht ábhartha cistiúcháin, mar a shonraítear in Airteagal 179 de Rialachán (AE) Uimh. 1268/2012.

Roinn II

Cur chun feidhme*Airteagal 23***Gníomhaíochtaí a chur chun feidhme**

1. Cuirfidh na rannpháirtithe gníomhaíochtaí chun feidhme i gcomhréir leis na coinníollacha agus na hoibleagáidí a leagtar

amach sa Rialachán seo, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, Rialachán (AE) Uimh. 1268/2012, Cinneadh 2013/743/AE an clár oibre nó an plean oibre, an glao ar thograí agus an comhaontú deontais.

2. Ní dhéanfaidh na rannpháirtithe aon ghealltanas nach mbeidh ag teacht leis an Rialachán seo nó leis an gcomhaontú deontais. I gcás nach gcomhlíonann an rannpháirtí a oibleagáidí maidir le cur chun feidhme teicniúil na gníomhaíochta, comhlíonfaidh rannpháirtithe eile na hoibleagáidí gan aon bhreis chistiúcháin ón Aontas ach amháin má bhaineann an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha an oibleagáid sin uathu. Má mhainníonn rannpháirtí, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 39(3), an méid atá dlite ón gCiste um Rátháíocht Rannpháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 38 a aistriú chuig comhordaitheoir na gníomhaíochta. Beidh freagracht airgeadais gach rannpháirtí teoranta dá fhiacha féin, faoi réir na bhforálacha a bhaineann leis an gCiste um Rátháíocht Rannpháirtithe. Áiríteoidh na rannpháirtithe go gcuirfear an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ar an eolas in am trátha faoi aon imeacht a d'fhéadfadh difear suntasach a dhéanamh do chur chun feidhme na gníomhaíochta nó do leasanna an Aontais.

3. Cuirfidh na rannpháirtithe an gníomhaíocht chun feidhme agus déanfaidh siad na bearta réasúnta ar fad is gá chuige sin. Beidh na hacmhainní cuí acu nuair is gá chun an gníomhaíocht a dhéanamh. I gcás ina mbeidh gá leis chun an gníomhaíocht a chur chun feidhme, féadfaidh siad glooch ar thríú páirtithe, lena n-áirítear fochonraitheoirí, chun obair a dhéanamh faoin ngníomhaíocht nó féadfaidh siad na hacmhainní a chuireann tríú páirtí ar fáil trí mheán ranníocaíochtaí comhchineáil a úsáid de réir na gcoinníollacha a leagtar amach sa chomhaontú deontais. Beidh an fhreagracht fós ar rannpháirtithe i leith an Choimisiúin nó an comhlachta ábhartha cistiúcháin agus i leith na rannpháirtithe eile i dtaobh an obair atá le déanamh.

4. Beidh dámhachtain fochonarthá chun gnéithe áirithe na gníomhaíochta a dhéanamh teoranta do chásanna dá bhforáiltear sa chomhaontú deontais agus do chásanna a bhfuil bonn cirt cuí leo nach bhféadtaí a fheiceáil roimh ré ag teacht tráth theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe deontais.

5. Féadfaidh tríú páirtithe nach fochonraitheoirí iad obair a dhéanamh faoin ngníomhaíocht de réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa chomhaontú deontais. Déanfar an tríú páirtí agus an obair a bheidh á déanamh aige a aithint sa chomhaontú deontais.

Féadfaidh na costais a thabhaíonn na tríú páirtithe sin a bheith incháilithe má chomhlíonann an tríú páirtí na coinníollacha seo a leanas:

(a) go mbeadh sé incháilithe do chistiú, dá mba rannpháirtí é;

(b) gurb einteach cleamnaithe é nó go bhfuil nasc dlíthiúil aige le rannpháirtí as a mbaintear de thátaí comhoibriú nach bhfuil teoranta don ghníomh;

(c) go sonraítear sa chomhaontú deontais é;

(d) go gcloíonn sé leis na rialacha is infheidhme maidir leis an rannpháirtí faoin gcomhaontú deontais maidir le hincháil-theacht costas agus rialú ar chaiteachas;

(e) go nglacann sé le dliteanas comhpháirteach agus leithleach leis an rannpháirtí maidir le ranníocaíocht an Aontais a chomhfhreagraíonn don mhéid atá dearbhaite ag tríú páirtí, má éilítear an Coimisiún nó an comhlacht ábhartha cistiúcháin é.

6. Féadfaidh tríú páirtithe freisin acmhainní a chur ar fáil do rannpháirtí trí bhithin ranníocaíochtaí comhchineáil leis an ngníomhaíocht. Tá costais atá á dtabhú ag tríú páirtithe i ndáil lena ranníocaíochtaí comhchineáil a dhéantar saor in aisce, incháilithe do mhaoiniú ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha a bunaíodh sa chomhaontú deontais.

7. Féadfaidh tacaíocht airgeadais do thríú páirtithe bheith mar chuid den ghníomhaíocht faoi na coinníollacha a bunaíodh i Rialachán (AE) Uimh. 966/2012 agus Rialachán (AE) Uimh. 1268/2012 Féadfar dul thar na méideanna dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 137(1) de Rialachán (AE, Euratom) 966/2012 nuair is gá chun cuspóirí gníomhaíochta a bhaint amach.

8. Maidir leis an ngníomhaíocht a dhéanfaidh rannpháirtithe ar údarás chonarthaigh iad laistigh de bhrí Threoir 2004/17/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, Threoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ agus Threoir 2009/80/CE ⁽³⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, féadfaidh soláthar réamhthráchtála agus soláthar réiteach nuálaíoch a bheith mar phríomhaidhm acu nó mar chuid dá n-aidhm, nuair a dhéantar foráil dó sin i gclár oibre nó i bplean oibre agus nuair a éilítear a leithéid do chur chun feidhme na gníomhaíochta. Sna cásanna sin, beidh feidhm ag na rialacha a leagtar amach in Airteagal 51 (2), (4) agus (5) den Rialachán seo maidir leis na nósanna imeachta soláthair a dhéanann na rannpháirtithe.

9. Comhlíonfaidh na rannpháirtithe an reachtaíocht náisiúnta, na rialacháin agus na rialacha eiticíúla sna tíortha ina ndéanfar an ghníomhaíocht. I gcás inarb iomchuí,

⁽¹⁾ Treoir 2004/17/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena gcomhordaítear na nósanna imeachta um sholáthar de chuid einteach a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist (IO L 134, 30.4.2004, lch. 1).

⁽²⁾ Treoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí a chomhordú (IO L 134, 30.4.2004, lch. 114).

⁽³⁾ Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údarás chonarthaigh nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú agus lena leasaítear Treoir 2004/17/CE agus Treoir 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lch. 76).

déanfaidh na rannpháirtithe formheas na gcoistí eithe ábhartha náisiúnta nó áitiúla sula gcuirfear tús leis an ngníomhaíocht.

10. Déanfar aon obair a bhaineann le hainmhithe i gcomhréir le hAirteagal 13 CFAE agus comhlíonfar leis an obair sin an ceanglas go ndéanfaí úsáid ainmhithe chun críocha eolaíoch a ionadú, a laghdú agus a athmhúnlú i gcomhréir le dlí an Aontais agus go háirithe le Treoir 2010/63/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾.

Airteagal 24

Cuibhreannas

1. Comhaltaí aon chuibhreannais ar mhaith leo bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht, ceapfaidh siad comhalta amháin a fheidhmeoidh mar chomhordaitheoir agus sainaithe-neofar an comhordaitheoir sin sa chomhaontú deontais. Is é an comhordaitheoir a bheidh ar an gcéad phointe teagmhála idir comhaltaí an chuibhreannais maidir le caidreamh leis an gCoimisiún nó leis an gcomhlacht ábhartha cistiúcháin, mura sonraítear a mhalairt sa chomhaontú deontais nó i gcás nach gcomhlíonfar a gcuid oibleagáidí mar a leagtar amach faoin gcomhaontú deontais iad.

2. Tabharfaidh comhaltaí cuibhreannais atá rannpháirteach i ngníomhaíocht comhaontú inmheánach i gcrích (an comhaontú cuibhreannais) lena mbunófar a gcearta agus a n-oibleagáidí maidir leis an ngníomhaíocht a chur chun feidhme i gcomhréir leis an gcomhaontú deontais, ach amháin i gcásanna a bhfuil bonn cirt cuí leo dá bhforáiltear sa chlár oibre nó sa phlean oibre nó sa ghlaó ar thograí. Foilseoidh an Coimisiún treoirilínte maidir leis na príomhcheisteanna a bhféadfaidh na rannpháirtithe aghaidh a thabhairt orthu ina gcuid comhaontuithe cuibhreannais.

3. Féadfar a fhoráil sa chomhaontú cuibhreannais an méid a leanas, inter alia:

(a) eagrú inmheánach an chuibhreannais;

(b) dáileadh an chistithe ón Aontas;

(c) rialacha maidir le leathadh, le húsáid agus le cearta rochtana, sa bhreis ar na rialacha i dTeideal III, Caibidil I, den Rialachán seo, agus ar na forálacha sa chomhaontú deontais;

(d) socruithe chun díospóidí inmheánacha a réiteach;

(e) dliteanas, slánú agus socruithe maidir le rúndacht idir na rannpháirtithe.

⁽⁴⁾ Treoir 2010/63/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le cosaint ainmhithe a úsáidtear chun críocha eolaíoch (IO L 276, 20.10.2010, lch. 33).

Féadfaidh comhaltaí an chuibhreannais aon sócrú a dhéanamh sa chuibhreannas a measfaidh siad a bheidh iomchuí a mhéid nach mbíonn an sócrú sin ag teacht salach ar an gcomhaontú deontais ná ar an Rialachán seo.

4. Féadfaidh an cuibhreannas moladh a dhéanamh rannpháirtí a áireamh nó a bhaint nó an comhordaitheoir a athrú, i gcomhréir le forálacha ábhartha an chomhaontaithe deontais, ar choinníoll go mbeidh an t-athrú i gcomhréir leis na coinníollacha rannpháirtíochta, nach ndéanfaidh sé dochar do chur chun feidhme na gníomhaíochta agus nach mbeidh sé ag teacht salach ar phrionsabal na córa comhionainne.

Roinn III

Cineálacha deontas agus rialacha cistiúcháin

Airteagal 25

Foirm na ndeontas

Is iad na cineálacha deontas dá bhforáiltear in Airteagal 123 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 a fhéadfaidh a bheith sna deontais, agus spriocanna na gníomhaíochta á gcur san áireamh.

Airteagal 26

Incháilitheacht na gcostas

1. Déantar na coinníollacha maidir le hincháilitheacht costas a shainiú in Airteagal 126 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012. Féadfaidh costais atá á dtabhú ag tríú páirtithe faoin ngníomhaíocht bheith incháilithe de réir fhorálacha an Rialacháin seo agus an chomhaontaithe deontais.

2. Is iad na costais neamh-incháilithe na costais sin nach gcomhlíonann coinníollacha mhír 1 lena n-áirítear, go háirithe forálacha maidir le cailliúintí nó muirir a d'fhéadfaidh a bheith ann amach anseo, costais aistriithe, costais a bhaineann le toradh ar chaipiteal, costais a aisíoctar i ndáil le gníomhaíocht eile nó clár eile Aontais, fiach agus muirir féich agus róchaiteachas nó caiteachas doscaí.

Airteagal 27

Costais dhíreacha incháilithe phearsanra

1. Gan dochar do na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 26, beidh costais dhíreacha incháilithe phearsanra teoranta do thuarastail móide muirir slándála sóisialta agus costais eile a áirítear i luach saothair phearsanra a shanntar don ghníomhaíocht, a eascraíonn ón dlí náisiúnta nó ón gconradh fostaíochta.

2. Gan dochar do na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 26, féadfar luach saothair breise a fhaigheann pearsanra atá in eintitis dhlíthiúla neamhbhrabúsacha a shanntar don ghníomhaíocht, lena n-áirítear íocaíochtaí ar bhonn conarthaí forlíontacha beag beann ar chineál na n-íocaíochtaí sin, a bhreithniú freisin mar chostais dhíreacha incháilithe phearsanra, suas go dtí an tsuim a leagtar amach i mír 3, má chomhlíonann siad na coinníollacha breise seo a leanas:

(a) Gur cuid de ghnáthchleachtais luach saothair an rannpháirtí iad agus go n-íoctar iad ar bhealach comhleanúnach tráth ar bith a n-éilítear an cineál sin oibre nó saíneolais;

(b) Gur critéir oibiachtúla a bheidh sna critéir sin a mbainfeadh leas astu chun íocaíochtaí forlíontacha a ríomh agus go gcuirfidh an rannpháirtí i bhfeidhm iad i gcoitinne, beag beann ar cad as a dtagann an cistiú.

3. Féadfaidh luach saothair breise a bheidh incháilithe go suas le EUR 8 000 an duine in aghaidh na bliana. I gcás duine nach mbeidh ag obair go heisiach ar son na gníomhaíochta, beidh teorainn i bhfeidhm in aghaidh na huaire. Déanfar an teorainn in aghaidh na huaire a ríomh trí EUR 8 000 a roinnt ar líon na n-uaireanta táirgiúla bliantúla a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 31.

Airteagal 28

An ghníomhaíocht a chistiú

1. Ní rachaidh an cistiú le haghaidh gníomhaíochta thar na costais incháilithe iomlána lúide fáltais na gníomhaíochta.

2. Meastar gurb iad fáltais na gníomhaíochta an méid seo a leanas:

(a) acmhainní a chuireann tríú páirtithe ar fáil do na rannpháirtithe trí bhíthin aistriithe airgeadais nó ranníocaíochtaí comhchineáil a dhéantar saor in aisce, agus ar dhearbhaigh an rannpháirtí gurb ionann a luach agus costais incháilithe, ar choinníoll go ndéanann an tríú páirtí an ranníocaíocht lena húsáid go sonrath sa ghníomhaíocht;

(b) ioncam a ghintear leis an ngníomhaíocht, seachas ioncam a ghintear trí thorthaí na gníomhaíochta a shaothrú;

(c) ioncam a ghintear ó dhíol na sócmhainní a ceannaíodh faoin gcomhaontú deontais go dtí luach an chostais a ghearr an rannpháirtí i dtús báire ar an ngníomhaíocht.

3. Cuirfeadh ráta amháin aisíocaíochta de na costais incháilithe i bhfeidhm in aghaidh na gníomhaíochta i gcás gach gníomhaíochta atá á cistiú inti. Sócrófar an t-uasráta sa chlár oibre nó sa phlean oibre.

4. Féadfaidh an luach ar an deontas Fís 2020 a bheith cothrom le 100 % ar a mhéid de na costais incháilithe iomláin, gan dochar do phrionsabal an chómhaoinithe.

5. Beidh teorainn 70 % ar a mhéid de na costais incháilithe iomlána leis an deontas Fís 2020 do ghníomhaíochtaí nuálaíochta agus do ghníomhaíochtaí chun clár a chomhchistiú.

De mhaolú ar mhír 3, féadfaidh, i gcás gníomhaíochtaí nuálaíochta, luach deontais Fhís 2020 a bheith cothrom le 100 % ar a mhéid de na costais incháilithe iomlána i gcás eintiteas dlíthiúil neamhbhrabúsach, gan dochar do phrionsabal an chómhaoinithe.

6. Beidh feidhm freisin ag na rátaí aisíocaíochta a chinntear san Airteagal seo maidir le gníomhaíochtaí ina bhfuil an ráta comhréidh, an t-aonad costais nó maoiniú cnapshuime socraithe don ghníomhaíocht ar fad nó do chuid de.

Airteagal 29

Costais indíreacha

1. Cinnfear costais incháilithe indíreacha trí ráta comhréidh 25 % de na costais incháilithe dhíreacha iomlána a chur i bhfeidhm, seachas na costais incháilithe dhíreacha le haghaidh fochonraitheoireachta agus costais na n-acmhainní a chuireann tríú páirtithe ar fáil nach n-úsáidtear ar áitreabh an tairbhí, chomh maith le tacaíocht airgeadais le haghaidh tríú páirtithe.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfar costais indíreacha a dhearbhu i bhfoirm cnapshuime nó costas aonaid nuair a fhoráiltear dó sa chlár oibre nó sa phlean oibre.

Airteagal 30

Meastóireacht a dhéanamh ar na leibhéil cistithe

Áireofar leis an meastóireacht eatramhach a dhéanfar ar Fís 2020 meastóireacht a dhéanamh ar éifeacht na ngnéithe éagsúla a tugadh isteach leis na leibhéil nua cistithe a leagtar síos in Airteagal 27, in Airteagal 28 agus in Airteagal 29 den Rialachán seo, agus é d'aidhm léi sin a mheas cibé an raibh staideanna míchuibhiúla ann mar thoradh ar an gcur chuige nua, ar staideanna iad lena ndéanfaí difear neamhfhabhrach do tharraingteacht Fhís 2020.

Airteagal 31

Uaireanta táirgiúla bliantúla

1. Ní chumhdóidh costais incháilithe phearsana ach na huaireanta iarbhír a oibríonn na daoine atá bainteach go díreach leis an obair a dhéanamh faoin ngníomhaíocht. Is é an rannpháirtí a sholáthróidh an fhianaise maidir leis na huaireanta iarbhír a oibrítear, agus déanfaidh sé sin de ghnáth trí chóras taifeadta ama.

2. Maidir le daoine a bheidh ag obair go heisiach ar son na gníomhaíochta, ní gá an t-am a thaifead. Sna cásanna sin, síneoidh an rannpháirtí dearbhú a dhearbhóidh go raibh an duine lena mbaineann ag obair go heisiach ar son na gníomhaíochta.

3. Beidh na nithe seo a leanas san áireamh sa chomhaontú deontais:

(a) na ceanglais íosta maidir leis an gcóras taifeadta ama;

(b) rogha idir líon uaireanta táirgiúla bliantúla seasta agus an modh lena suífear líon na n-uaireanta táirgiúla bliantúla a bheidh le húsáid chun rátaí in aghaidh na huaire a ríomh don phearsana, agus gnáthchleachtais chuntasaíochta an rannpháirtí á gcur san áireamh.

Airteagal 32

Úinéirí FBManna, agus daoine nádúrtha gan tuarastal

Féadfaidh úinéirí FBManna nach bhfaigheann tuarastal agus daoine nádúrtha eile nach bhfaigheann tuarastal costais phearsana a ghearradh ar bhonn costais aonaid.

Airteagal 33

Costais aonaid

1. I gcomhréir le hAirteagal 124 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, féadfaidh an Coimisiún modhanna a bhunú chun costais aonaid a chinneadh bunaithe ar:

(a) sonraí staitistiúla nó modhanna oibiachtúla dá samhail;

(b) sonraí stairiúla so-iniúchta an rannpháirtí.

2. Féadfar costais dhíreacha incháilithe phearsana a mhaoiniú ar bhonn costas aonaid a chinntear de réir ghnáthchleachtais an rannpháirtí i ndáil le cuntasafócht costais, ar choinníoll go gcomhlíonann siad iomlán na gcritéar seo a leanas:

(a) go ríomhfar iad ar bhonn iomlán na gcostas iarbhír phearsana atá taifeadta i gcuntais ghinearálta an rannpháirtí a bhféadfaidh an rannpháirtí iad a choigeartú ar bhonn gnéithe a ndéantar buiséadú nó meastachán orthu de réir na gcoinníollacha atá sannta ag an gCoimisiún;

(b) go gcomhlíonfaidh siad Airteagal 26 agus Airteagal 27;

(c) go n-áiritheoidh siad go gcomhlíonfar an ceanglas neamhbhrabúis agus go seachnófar cistiú faoi dhó costas;

(d) go ríomhfar iad ag féachaint go cuí le hAirteagal 31.

Airteagal 34

Deimhniú ar ráitis airgeadais

Cumhdóidh an deimhniú ar ráitis airgeadais méid iomlán an deontais atá á éileamh ag rannpháirtí i bhfoirm aisíocaíochta costas iarbhír agus i bhfoirm scála na gcostas aonaid dá dtagraítear in Airteagal 33(2), seachas na méideanna a dhearbhaítear ar bhonn cnapshuimeanna, rátaí comhréidhe nó costas aonaid seachas na costais aonaid a chinntear de réir ghnáthchleachtais an rannpháirtí i ndáil le cuntasafócht costais. Ní chuirfear an deimhniú isteach ach amháin nuair is ionann an méid sin agus EUR 325 000 nó nuair is mó ná sin é tráth a éilítear iarmhéid an deontais a íoc.

*Airteagal 35***Deimhnithe ar an modheolaíocht**

1. Féadfaidh rannpháirtithe a ríomhann costais dhíreacha phearsanra agus a éilíonn na costais sin ar bhonn costas aonaid deimhniú ar an modheolaíocht a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Comhlíonfaidh an mhodheolaíocht sin na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 33(2) agus comhlíonfaidh sí ceanglais an chomhaontaithe deontais.

2. I gcás ina nglacann an Coimisiún le deimhniú ar an modheolaíocht, beidh sé bailí do gach gníomhaíocht a mhaoinítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 agus ríomhfaidh an rannpháirtí costais, agus éileoidh sé costais, ar a bhonn. A luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún leis an deimhniú ar an modheolaíocht, ní chuirfidh sé aon earráid chórasach ná aon earráid thréimhsiúil i leith na modheolaíochta sin.

*Airteagal 36***Iníúcháirí deimhniúcháin**

1. Bunóidh iníúcháirí neamhspleách atá cáilithe chun iníúchtaí reachtacha a dhéanamh ar dhoiciméid chuntasaíochta i gcomhréir le Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ nó i gcomhréir le rialacháin náisiúnta dá samhail, na deimhnithe ar na ráitis airgeadais agus ar an modheolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 34 agus 35, nó bunóidh oifigeach poiblí inniúil neamhspleách ar dhílsigh na húdarais náisiúnta ábhartha an acmhainn dhlíthiúil dó iniúchadh a dhéanamh ar an rannpháirtí agus nach raibh baint aige leis na ráitis airgeadais a ullmhú, na deimhnithe ar na ráitis sin agus ar an modheolaíocht sin.

2. Ar iarratas ón gCoimisiún, ón gCúirt Iníúcháirí nó ón Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, déanfaidh an t-iníúcháir a sheachadann an deimhniú ar na ráitis airgeadais agus ar an modheolaíocht rochtain a dheonú ar na doiciméid tacaíochta agus ar na páipéir iníúchta oibre ar eisíodh deimhniú ar na ráitis airgeadais ar a bhonn.

*Airteagal 37***Cistiú carnach**

Féadfar deontas ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 a dhámhachtain de thoradh gníomhaíochta ar dámhadh deontas ó bhuiséad an Aontais uirthi, ar choinníoll nach gcumhdaíonn na deontais na hítimí costais céanna.

Roinn IV

Rátháíochtaí*Airteagal 38***Ciste um Rátháíocht Rannpháirtithe**

1. Bunaítear leis seo ciste um rátháíocht rannpháirtithe (an "Ciste") agus cumhdóidh sé an riosca a bhaineann le suimeanna

nach ngnóthaítear, ar suimeanna iad atá dlite don Aontas faoi gníomhaíochtaí a mhaoinítear trí dheontais ón gCoimisiún faoi Chinneadh Uimh. 1982/2006/CE agus ón gCoimisiún nó ó chomhlachtaí cistiúcháin an Aontais faoi "Fhís 2020" de réir na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo. Tiocfaidh an Ciste in áit agus i gcomharbas ar an gCiste um Rátháíocht Rannpháirtithe a bunaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1906/2006.

2. Feidhmeofar an Ciste i gcomhréir le hAirteagal 39. Cuirfear aon -ús airgeadais a ghineann an Ciste leis an gCiste agus úsáidfeadh é chun na gcricíoch a leagtar amach in Airteagal 39(3) amháin.

3. I gcás nach leor an t-ús airgeadais chun na hoibríochtaí a thuairiscítear in Airteagal 39(3) a chumhdach, ní dhéanfaidh an Ciste idirghabháil agus gnóthóidh an Coimisiún nó comhlacht ábhartha cistiúcháin de chuid an Aontais aon mhéid atá dlite go díreach ó na rannpháirtithe nó ó thríú páirtithe.

4. Meastar gur rátháíocht leordhóthanach é an Ciste faoi Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012. Ní fhéadfar glacadh le rátháíocht bhreise nó le hurrús breise ó rannpháirtithe nó ní fhéadfar iad a chur orthu ach amháin sa chás atá luaite i mír 3 den Airteagal seo.

5. Tabharfaidh na rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí faoi Fís 2020 a gcumhdaíonn an Ciste a riosca, ranníocaíocht ionann is 5 % de chistiú an Aontais don gníomhaíocht. Ag deireadh na gníomhaíochta, tabharfar an méid a cuireadh leis an gCiste ar ais chuig na rannpháirtithe, tríd an gcomhordaitheoir.

6. Féadfar ráta ranníocaíochta na rannpháirtithe leis an gCiste a leagtar amach i mír 5 a laghdú ar bhonn na meastóireachta eatramhaí ar Fís 2020.

*Airteagal 39***An Ciste a Fheidhmiú**

1. Is é an Coimisiún i gcáil ionadaí an Aontais a bhainisteoidh an Ciste agus feidhmeoidh sé mar ghníomhaire feidhmiúcháin ar son na rannpháirtithe, i gcomhréir leis na coinníollacha a bunaíodh leis an gcomhaontú deontais.

Féadfaidh an Coimisiún an Ciste a bhainistiú go díreach nó bainistíocht airgeadais an Chiste a chur de chúram ar an mBanc Eorpach Infheistíochta nó ar institiúid iomchuí airgeadais ("an banc taiscíochta"). Is é an banc taiscíochta a bhainisteoidh an Ciste de bhun threoracha an Choimisiúin.

2. Féadfar ranníocaíocht na rannpháirtithe leis an gCiste a chúiteamh ón gcéad réamh-mhaoiniú agus íocfar é leis an gCiste ar son na rannpháirtithe.

3. I gcás ina bhfuil méideanna dlite don Aontas ó rannpháirtí, féadfaidh an Coimisiún, gan dochar do phionóis is féidir a chur ar an rannpháirtí mainneachtana, ceann de na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh:

⁽¹⁾ Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúchtaí reachtacha ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite agus lean leasáitear Treoir 78/660/CEE ón gComhairle agus Treoir *3/349/CEE, agus lena n-aisghairtear Treoir 84/253/CEE ón gComhairle (IO L 157, 09.06.2006, lch. 87).

(a) an méid atá dlite a aistriú ón gCiste chuig comhordaitheoir na gníomhaíochta, nó ordú a thabhairt don bhanc taiscíochta an méid sin a dhéanamh. Déanfar an t-aistriú sin tar éis deireadh a chur le rannpháirtíocht an rannpháirtí mainneachtana nó tar éis an rannpháirtíocht a tharraingt siar más gníomhaíocht leanúnach é agus má aontaíonn na rannpháirtithe atá fágtha lena chur chun feidhme de réir na gcuspóirí céanna. Measfar gur cistiú an Aontais iad méideanna a aistrefar ón gCiste;

(b) an méid sin a ghnóthú go héifeachtúil ón gCiste.

Eiseoidh an Coimisiún ordú gnóthaithe i gcoinne an rannpháirtí sin nó i gcoinne an tríú páirtí chun sochar an Chiste. Chuige sin, féadfaidh an Coimisiún Cinneadh gnóthaithe a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.

4. Ioncam atá sannta don Chiste de réir bhrí Airteagal 21(4) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 atá sna méideanna a ghnóthaítear. A luaithe a bheidh na deontais ar fad a gcumhdaíonn an Ciste a riosca curtha chun feidhme ina n-iomláine, gnóthóidh an Coimisiún suimeanna ar bith a bheidh fós gan foc agus cuirfear isteach i mbuiséad an Aontais iad, faoi féir chinntí an údarais reachtaigh.

CAIBIDIL III

Saineolaithe

Airteagal 40

Saineolaithe neamhspleácha a cheapadh

1. Féadfaidh an Coimisiún agus, nuair is iomchuí, comhlachtaí cistiúcháin, saineolaithe neamhspleácha a cheapadh chun meastóireacht a dhéanamh ar thograí i gcomhréir le hAirteagal 15 nó chun comhairle nó cúnamh a thabhairt maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) meastóireacht ar thograí;
- (b) monatóireacht ar chur chun feidhme gníomhaíochtaí atá á ndéanamh faoi Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 chomh maith le gníomhaíochtaí Clár Taighde agus/nó Nuálaíochta a tháinig roimhe seo;
- (c) beartas nó cláir taighde agus nuálaíochta an Aontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear Fís 2020, agus an Limistéar Eorpach Taighde a bhaint amach agus a fheidhmiú;
- (d) meastóireacht a dhéanamh ar Chláir Taighde agus Nuálaíochta;
- (e) beartas taighde agus nuálaíochta an Aontais a dhearadh lena n-áirítear cláir a ullmhú don todhcháil.

2. Roghnófar saineolaithe neamhspleácha ar bhonn na scileanna, na taithí agus an eolais is iomchuí chun na cúraimí a shanntar dóibh a dhéanamh. I gcásanna ina mbeidh ar

shaineolaithe neamhspleácha déileáil le faisnéis rúnaicmithe, beidh gá le himréiteach slándála iomchuí sula gceapfar iad.

Déanfar saineolaithe neamhspleácha a shaináithint agus a roghnú ar bhonn glaonna ar iarratais ó dhaoine aonair agus glaonna atá dírithe ar eagraíochtaí ábhartha amhail gníomhaireachtaí taighde, institiúidí taighde, ollscoileanna, eagraíochtaí um chaighdeánú, eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta nó fiontraíochtaí d'fhonn bunachar sonraí d'iarratasóirí a bhunú.

Féadfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha, má mheastar é a bheith iomchuí agus i gcásanna a bhfuil bonn cirt cuí leo, aon saineolaí aonair a roghnú, ar bhealach trédhearcach, nach bhfuil sa bhunachar sonraí a bhfuil na scileanna iomchuí aige.

Agus saineolaithe neamhspleácha á gceapadh aige, glacfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha bearta iomchuí chun ballraíocht chothrom sna grúpaí saineolaithe agus sna painéil meastóireachta a lorg i dtéarmaí scileanna éagsúla, taithí éagsúil agus eolas éagsúil, éagsúlachta geografáil agus inscne, agus aird á tabhairt ar an staid atá i réim i réimse na gníomhaíochta. I gcás inarb iomchuí, féachfar le cothromaíocht a bhaint amach idir an earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí.

Féadfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha comhairle a lorg ó na cuideachtaí comhairliúcháin chun saineolaithe neamhspleácha a cheapadh. I gcás gníomhaíochtaí taighde 'ar theorainneacha an eolais' a dhéanann an Chomhairle Eorpach um Thaighde, ceapfaidh an Coimisiún saineolaithe ar bhonn togra ó Chomhairle Eolaíoch na Comhairle Eorpaí um Thaighde.

3. Áiríteoidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha nach ndéanfaidh saineolaí a thugann aghaidh ar choinbhleacht leasa maidir le hábhar a mbeidh air tuairim a thabhairt ina leith meastóireacht, agus nach dtabharfaidh sé comhairle ná cúnamh maidir leis an gceist shonrach i dtrácht.

4. Maidir leis na malartuithe sonraí uile a dhéanfar leis na saineolaithe neamhspleácha, lena n-áirítear na comhaontuithe deontais a thabhairt chun críche agus aon leasú orthu sin, féadfar iad a dhéanamh trí chóras leictreonach malartaithe sonraí a bhunóidh an Coimisiún nó an comhlacht ábhartha cistiúcháin, mar a shonraítear in Airteagal 287(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1268/2012.

5. Foilseofar ainmneacha na saineolaithe a cheapfar i gcáil phearsanta, a thabharfaidh cúnamh don Choimisiún nó do na comhlachtaí cistiúcháin chun Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 agus Cinneadh 2013/743/AE a chur chun feidhme, foilseofar na hainmneacha sin, maraon lena réimse saineolais, uair amháin ar a laghad sa bhliain ar shuíomh idirlín an Choimisiúin nó an chomhlachta cistiúcháin ábhartha. Déanfar faisnéis den sórt sin a bhailiú, a phróiseáil agus a fhoilsiú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.

TEIDEAL III

RIALACHA MAIDIR LE TORTHAÍ A SHAOTHRÚ AGUS A LEATHADH

CAIBIDIL I

Deontais

Roinn I

Torthaí

Airteagal 41

Úinéireacht na dtorthaí

1. Beidh torthaí faoi úinéireacht an rannpháirtí a ghin iad.

2. Nuair is i gcomhpháirt a ghin rannpháirtithe gníomhaíochta na torthaí agus nach féidir an sciar den obair a rinne gach ceann acu i dtaca leis na torthaí comhphárteacha sin a shuíomh, nó i gcás nach féidir idirdhealú a dhéanamh idir na torthaí comhphárteacha chun cosaint ábhartha ar chearta maoinne intleachtúla a iarraidh, a fháil nó chun an chosaint sin a chothabháil, beidh na torthaí faoi chomhúinéireacht acu. Bunóidh na comhúinéirí comhaontú maidir le leithdháileadh agus téarmaí na comhúinéireachta sin i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoin gcomhaontú deontais. Féadfaidh na comhúinéirí aontú nach leanfaidh siad leis an gcomhúinéireacht ach go socróidh siad córas eile, inter alia trína scaireanna úinéireachta a aistriú go húinéirí aonair agus go mbeidh cearta rochtana ag na rannpháirtithe eile, nuair a bheidh na torthaí ginte.

Ach amháin má chomhaontaítear a mhalairt sa chomhaontú comhúinéireachta, beidh gach comhúinéir i dteideal ceadúnais neamheisiacha a dheonú do thríú páirtithe chun na torthaí atá faoi chomhúinéireacht a shaothrú, gan an ceart focheadúnais a dheonú a bheith acu, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) tabharfar réamhfhógra do na comhúinéirí eile;

(b) tabharfar cúiteamh cóir réasúnach do na comhúinéirí eile;

3. Má tá fostaithe nó aon pháirtí atá ag obair do rannpháirtí i dteideal cearta ar na torthaí a ghintear a éileamh, áiritheoidh an rannpháirtí lena mbaineann gur féidir na cearta sin a fheidhmiú ar bhealach a thagann lena oibleagáidí faoin gcomhaontú.

Airteagal 42

Na torthaí a chosaint

1. I gcás inar féidir na torthaí a úsáid chun críocha saothraithe tráchtála nó thionsclaíoch nó má mheastar le réasún go mbeifí in ann úsáid chun na críocha sin a bhaint astu, scrúdóidh an rannpháirtí ar leis é na torthaí an féidir iad a chosaint, agus, más féidir, más réasúnach agus má thugann na cúinsí bonn cirt leis, cosnóidh sé go leordhóthanach iad go ceann tréimhse iomchuí ar limistéar iomchuí, ag féachaint go

cuí dá leasanna dlisteanacha, agus do leasanna dlisteanacha rannpháirtithe eile na gníomhaíochta, a leasanna tráchtála go háirithe.

2. I gcás nach mbeidh sé beartaithe ag rannpháirtí a fuair cistiú ón Aontas na torthaí a ghin sé a chosaint ar chúiseanna seachas an neamhfhéidearthacht sin a dhéanamh faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta nó i ngeall ar gan mórán acmhainneachta saothraithe tráchtála ná tionsclaíche a bheith iontu, agus mura mbeidh sé beartaithe ag an rannpháirtí iad a aistriú go heintiteas dlíthiúil eile a bheidh bunaithe i mBallstát nó i dtír ghaolmhar d'fhonn iad a chosaint, cuirfidh sé an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha ar an eolas sula leathann sé aon ní a bhaineann leis na torthaí sin. Féadfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais nó an chomhlachta cistiúcháin, le toiliú ón rannpháirtí lena mbaineann, úinéireacht na dtorthaí sin a ghlacadh chuige agus na bearta is gá a dhéanamh chun iad a chosaint.

Ní fhéadfaidh an rannpháirtí toiliú a dhiúltú leis sin ach amháin má thaispeánann sé go ndéanfaí mórdhíobháil dá leasanna dlisteanacha. Ní leathfar aon ní a bhaineann leis na torthaí sin go dtí go mbeidh cinneadh déanta ag an gCoimisiún, nó ag an gcomhlacht cistiúcháin ábhartha nach nglacfaidh sé úinéireacht na dtorthaí chuige, nó go gcinneadh sé ar an úinéireacht a ghlacadh chuige féin agus na bearta is gá a dhéanamh chun a gcosaint a áirithiú. Déanfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha an cinneadh sin gan aon mhoill mhíchuí. Leagfar síos teorainneacha ama ina leith sin sa chomhaontú deontais.

3. I gcás ina mbeidh sé beartaithe ag rannpháirtí a fuair cistiú ón Aontas gan torthaí a chosaint níos mó nó gan síneadh ar an gcosaint sin a iarraidh ar chúiseanna seachas gan mórán acmhainneachta saothraithe tráchtála ná tionsclaíche a bheith iontu laistigh de thréimhse nach mbeidh níos faide ná cúig bliana tar éis an t-íosmhéid a bheith íoctha, cuirfidh sé sin in iúl don Choimisiún nó don chomhlacht cistiúcháin ábhartha agus féadfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin leanúint den chosaint nó síneadh a chur léi trí úinéireacht na dtorthaí a ghlacadh chuige féin. Ní fhéadfaidh an rannpháirtí toiliú a dhiúltú leis sin ach amháin má thaispeánann sé go ndéanfaí mórdhíobháil dá leasanna dlisteanacha. Leagfar síos teorainneacha ama ina leith sin sa chomhaontú deontais.

Airteagal 43

Saothrú agus leathadh torthaí

1. Gach rannpháirtí a fuair cistiú ón Aontas, déanfaidh sé a dhícheall na torthaí ar leis iad a shaothrú, nó cuirfidh sé iad á saothrú ag eintiteas dlíthiúil eile, go háirithe trína n-aistriú agus trína gceadúnú i gcomhréir le hAirteagal 44.

Leagfar síos sa chomhaontú deontais aon oibleagáid bhreise maidir le saothrú. I gcás taighde a d'fhéadfaí a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhóra shochoaíochta, féadfar a áireamh ar na hoibleagáidí saothraithe breise ceadúnú ar bhonn téarmaí neamheisiacha. Léireofar na hoibleagáidí breise sin sa chlár oibre nó sa phlean oibre.

2. Faoi réir aon sriain a bhaineann le cosaint maoiné intleachtúla, le rialacha slándála nó le leasanna dlisteanacha, déanfaidh gach rannpháirtí na torthaí ar leis iad a leathadh a luaithe is féidir. Féadfar teorainneacha ama ina leith sin a leagan síos sa chomhaontú deontais.

Leagfar síos sa chomhaontú deontais aon oibleagáid bhreise maidir le leathadh.

Maidir le leathadh a dhéanamh trí fhoilseacháin eolaíocha, beidh feidhm ag rochtain oscailte faoi na téarmaí agus coinníollacha a leagtar síos sa chomhaontú deontais. Na costais a bhaineann le rochtain oscailte ar fhoilseacháin eolaíocha a eascraíonn as taighde a chisteofar faoi Fís 2020, agus a thabhófar laistigh de thréimhse na gníomhaíochta, beidh siad incháilithe le haghaidh a n-aisíochta faoi choinníollacha an chomhaontaithe deontais. Ag féachaint go cuí le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013, ní fhoráilfear leis an gcomhaontú deontais coinníollacha maidir le rochtain oscailte ar fhoilseacháin, a mbeadh mar thoradh orthu costais foilseacháin bhreise tar éis don ghníomhaíocht a bheith críochnaithe.

Maidir le sonraí taighde a leathadh, féadfar a leagan síos sa chomhaontú deontais, i gcomhthéacs na rochtana oscailte ar shonraí taighde agus i gcomhthéacs na sonraí sin a chaomhnú, na téarmaí agus na coinníollacha faoina dtabharfar rochtain oscailte ar na torthaí sin, go háirithe i gcás taighde 'ar theorainneacha an eolais' a dhéanann an Chomhairle Eorpach um Thaighde agus i gcás Teicneolaíochtaí sa Todhchaí agus Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn (FET) nó i gcás réimsí iomchuí eile, agus leasanna dlisteanacha na rannpháirtithe mar aon le haon baic ar bith a bhaineann le rialacha i ndáil le cosaint sonraí, le cosaint maoiné intleachtúla nó le rialacha slándála á gcur san áireamh. Sa chás sin, léireofar sa chlár oibre nó sa phlean oibre más gá sonraí taighde a leathadh trí rochtain oscailte.

Tabharfar réamhfhógra do na rannpháirtithe eile i dtaca le haon ghníomhaíocht leata. I ndiaidh dó an fógra sin a fháil, féadfaidh rannpháirtí agóid a dhéanamh má thaispeánann sé go ndéanfaidh an leathadh atá á bheartú mórdhíobháil dá leasanna dlisteanacha ó thaobh torthaí nó réamheolais de. Sna cásanna sin, ní fhéadfar an ghníomhaíocht leata a dhéanamh mura ndéantar na bearta is gá chun na leasanna dlisteanacha sin a chosaint. Leagfar síos teorainneacha ama ina leith sin sa chomhaontú deontais.

3. Ionas go bhféadfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha faireachán agus leathadh a dhéanamh, soláthróidh na rannpháirtithe gach faisnéis maidir lena ngníomhaíochtaí a bhaineann le saothrú agus leathadh agus soláthróidh siad na doiciméid atá riachtanach i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa chomhaontú deontais. Faoi réir leasanna dlisteanacha na rannpháirtithe a chuir an fhaisnéis ar fáil, cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí. Sa chomhaontú deontais, leagfar síos, inter alia, teorainneacha ama maidir leis na hoibleagáid tuairiscithe sin.

4. Gach iarratas ar phaitinn, gach caighdeán, gach foilseachán nó cineál eile leata, lena n-áirítear nithe i bhfoirm leictreonach, a bhaineann le torthaí, beidh ag gabháil leis, más féidir, ráiteas. (agus féadfar ráiteas a dhéantar le modhanna fiseacha a

áireamh ann) go bhfuair an ghníomhaíocht tacaíocht airgeadais ón Aontas. Bunófar téarmaí an ráitis sin sa chomhaontú deontais.

Airteagal 44

Aistriú agus ceadúnú torthaí

1. I gcás ina n-aistríonn rannpháirtí úinéireacht torthaí, déanfaidh sé na hoibleagáidí atá air faoin gcomhaontú deontais maidir leis an torthaí sin a aistriú chuig an aistriú, lena n-áirítear an oibleagáid iad a aistriú arís aon uair a dhéanfar aistriú ina dhiaidh sin.

Gan dochar d'oibleagáidí rúndachta a thagann as dlíthe nó rialacháin maidir le cumaisc agus éadálacha, más rud é go mbeidh cearta rochtana fós ag rannpháirtithe eile ar na torthaí atá le haistriú nó más rud é go bhféadfaidh sé go n-iarrfaidís deonú na gcearta rochtana a aistriú, déanfaidh rannpháirtí a bhfuil sé beartaithe aige na torthaí a aistriú réamhfhógra a thabhairt do na rannpháirtithe eile, mar aon le faisnéis leordhóthanach ar an té atá beartaithe bheith ina úinéir nua ar na torthaí sa chaoi is go bhféadfaidh na rannpháirtithe sin anailís a dhéanamh ar éifeacht an aistrithe atá beartaithe ar fheidhmiú a gceart.

I ndiaidh an fhógra, féadfaidh rannpháirtí agóid a dhéanamh i gcoinne aistriú na húinéireachta má thaispeánann sé go rachadh an t-aistriú sin chun dochair d'fheidhmiú a gceart rochtana. Sa chás sin, ní fhéadfar an t-aistriú a dhéanamh go dtí go dtiocfaidh na rannpháirtithe lena mbaineann ar chomhaontú. Déanfar teorainneacha ama a leagan síos ina leith sin sa chomhaontú deontais.

Trí chomhaontú i scríbhinn a dhéanamh roimh ré, féadfaidh na rannpháirtithe eile an ceart atá acu réamhfhógra a fháil agus agóid a dhéanamh i gcoinne aistrithe úinéireachta ó rannpháirtí go tríú páirtí atá ainmnithe go sonrath.

2. Ar chuntar gur féidir cearta rochtana ar na torthaí a fheidhmiú agus go gcomhlíonfaidh an rannpháirtí ar leis iad gach oibleagáid bhreise maidir le saothrú, féadfaidh an rannpháirtí sin na torthaí ceadúnais a dheonú nó an ceart iad a shaothrú a dheonú ar shlí eile d'aon eintiteas dlíthiúil, lena n-áirítear ar bhonn eisiach. Féadfar ceadúnais eisiacha do thorthaí a dheonú faoi réir thoiliú na rannpháirtithe uile eile lena mbaineann a dhéanfaidh a gcearta rochtana ina leith a tharscaoileadh.

3. Maidir le torthaí a ghinfidh rannpháirtithe a fuair cistiú ón Aontas, féadfar a fhoráil sa chomhaontú deontais go bhféadfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha agóid a dhéanamh i gcoinne aistrithe úinéireachta chuig tríú páirtithe a bheidh bunaithe i dtríú tíortha nach mbaineann le Fís 2020, nó i gcoinne deonuithe ceadúnais eisiaigh do thríú páirtithe a bheidh bunaithe sna tíortha sin, má mheasann sé nach mbeidh an deontas nó an t-aistriú sin ag luí leis an sprioc iomaíochas gheilleagar an Aontais a fhorbairt nó go mbeidh sé ag teacht salach ar phrionsabail eiticiúla nó slándála.

Sna cásanna sin, ní aistreofar an úinéireacht ná ní dheonófar ceadúnas eisiach mura mbeidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha sásta go gcuirfear ar bun na cosaintí iomchuí.

Nuair is iomchuí, déanfar foráil sa chomhaontú deontais go dtabharfar fógra don Choimisiún nó don chomhlacht cistiúcháin ábhartha sula ndéanfar aon aistriú úinéireachta den sórt sin nó sula ndeonófar ceadúnas eisiach den sórt sin. Déanfar teorainneacha ama i ndáil leis seo a leagan síos sa chomhaontú deontais.

Roinn II

Cearta rochtana ar réamheolas agus ar thorthaí

Airteagal 45

Cúlra

Déanfaidh rannpháirtithe an réamheolas is bun lena ngníomhaíocht a lua ar bhealach ar bith i gcomhaontú i scríbhinn.

Airteagal 46

Prionsabail maidir le cearta rochtana

1. I scríbhinn a dhéanfar aon iarraidh cearta rochtana a fheidhmiú nó aon tarscaoileadh ceart rochtana.
2. Ach amháin má chomhaontaíonn úinéir na dtorthaí nó úinéir an réamheolais a bhfuil rochtain air á iarraidh a mhalairt, ní áireofar i gcearta rochtana an ceart focheadúnais a dheonú.
3. Roimh dóibh aontú do chomhaontú deontais, cuirfidh rannpháirtithe sa ghníomhaíocht chéanna a chéile ar an eolas maidir le haon srian dlí nó le haon teorainn ar rochtain a dheonú ar a réamheolas. Aon chomhaontú a thabharfaidh rannpháirtí i gcrích ina dhiaidh sin maidir le réamheolas, áiríteofar ann go bhféadfar gach ceart rochtana a fheidhmiú.
4. Má chuirtear deireadh le rannpháirteachas rannpháirtí i ngníomhaíocht, ní dhéanfar difear leis sin don oibleagáid atá ar an rannpháirtí sin rochtain a dheonú faoi na téarmaí agus na coinníollacha a bunaíodh sa chomhaontú deontais.
5. I gcás ina mainníonn rannpháirtí ina chuid oibleagáidí agus nach leigheastar an mhainneachtain sin, féadfar a shonrú sna comhaontuithe cuibhreannais nach mbeidh cearta rochtana níos mó ag an rannpháirtí mainneachtana sin.

Airteagal 47

Cearta rochtana maidir le cur chun feidhme

1. Beidh cearta rochtana ag rannpháirtí ar thorthaí rannpháirtí eile san aon ghníomhaíocht, má tá na torthaí sin de dhíth ar an gcéad ceann acu sin chun a chuid oibre faoin ngníomhaíocht a dhéanamh.

Beidh an rochtain sin saor ó ríchíosanna.

2. Beidh cearta rochtana ag rannpháirtí ar réamheolas rannpháirtí eile san aon ghníomhaíocht, má tá an réamheolas

sin de dhíth ar an gcéad ceann acu sin chun a chuid oibre faoin ngníomhaíocht a dhéanamh agus faoi réir srianta nó teorainneacha ar bith de bhun Airteagal 46(3).

Beidh an rochtain sin saor ó ríchíosanna, ach amháin má chomhaontaíonn na rannpháirtithe a mhalairt sula n-aontóidh siad don chomhaontú deontais.

Airteagal 48

Cearta rochtana maidir le saothrú

1. Beidh cearta rochtana ag rannpháirtí ar thorthaí rannpháirtí eile san aon ghníomhaíocht, má tá na torthaí sin de dhíth ar an gcéad ceann acu sin chun a chuid torthaí féin a shaothrú.

Faoi réir comhaontaithe, deonófar an rochtain sin faoi choinníollacha córa réasúnacha.

2. Beidh cearta rochtana ag rannpháirtí ar réamheolas rannpháirtí eile san aon ghníomhaíocht, má tá an réamheolas sin de dhíth ar an gcéad ceann acu sin chun a chuid torthaí féin a shaothrú agus faoi réir aon srianta nó teorainneacha de bhun Airteagal 46(3).

Faoi réir comhaontaithe, deonófar an rochtain sin faoi choinníollacha córa réasúnacha.

3. Ach amháin má fhoráiltear a mhalairt sa chomhaontú cuibhreannais, beidh cearta rochtana ag eintiteas cleamhnaithe a bheidh bunaithe i mBallstát nó i dtír ghaolmhar ar thorthaí nó ar réamheolas faoi choinníollacha cothroma, réasúnacha, faoi réir aon srianta nó teorainneacha de bhun Airteagal 46(3), má tá gá leis na torthaí agus leis an réamheolas sin chun na torthaí a ghin an rannpháirtí a bhfuil sé cleamhnaithe leis a shaothrú. Ní dhéanfar na cearta rochtana a iarraidh agus a fháil go díreach ón rannpháirtí ar leis é na torthaí nó an réamheolas ach amháin má chomhaontaítear é i gcomhréir le hAirteagal 46(2).

4. Is féidir iarraidh rochtana faoi mhír 1, faoi mhír 2 nó faoi mhír 3 a dhéanamh suas go bliain tar éis dheireadh na gníomhaíochta mura gcomhaontaíonn na rannpháirtithe ar theorainn ama eile.

Airteagal 49

Cearta rochtana an Aontais agus na mBallstát

1. Chun críocha beartais nó cláir de chuid an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme, agus faireachán a dhéanamh orthu, a mbeidh bonn cirt cuí leo, beidh cearta rochtana ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais ar thorthaí rannpháirtí a fuair cistiú ón Aontas, agus ar a thorthaí sin amháin, Tá na cearta rochtana sin teoranta d'úsáidí neamhthráchtála agus neamhiomaíocha.

Beidh an rochtain sin saor ó ríchíosanna.

2. Maidir le gníomhaíochtaí a dhéantar faoin sprioc shonrach 'Sochaithe slána - Saoirse agus slándáil na hEorpa agus a saoránach a chosaint' den tosaíocht um dúshláin shocaíocha a leagtar amach i gCuid III d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013, beidh na cearta rochtana is gá ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus ag údarais náisiúnta na mBallstát, chun críocha a gcuid beartas nó clár a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu sa réimse seo, ar thorthaí rannpháirtí a fuair cistiú ón Aontas. Beidh na cearta rochtana sin teoranta d'úsáid neamhthráchtáil agus neamhiomaíoch. Deonófar cearta rochtana saor ó ríchíosanna agus ar chomhaontú déthaobhach a fháil chun coinníollacha sonracha a shainiú a mbeidh mar aidhm acu a áirithiú go n-úsáidfean na cearta sin chun na críche a bhí beartaithe agus go mbeidh na hoibleagáidí iomchuí maidir le rúndacht i bhfeidhm. Ní áireofar i measc na gcearta rochtana sin réamheolas maidir leis an rannpháirtí. Cuirfidh an Ballstát iarrthach, an institiúid iarrthach, an comhlacht iarrthach, an oifig iarrthach nó an gníomhaireacht iarrthach de chuid an Aontais gach Ballstát ar an eolas maidir leis an iarraidh. Beidh feidhm ag rialacha an Choimisiúin maidir le slándáil i ndáil le faisnéis rúnaicmithe.

TEIDEAL IV

FORÁLACHA SONRACHA

Airteagal 50

Duaiseanna

1. Féadfaidh cistiú an Aontais bheith i bhfoirm duaiseanna mar a shainmhínítear i dTeideal VII de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1268/2012.

2. Beidh bronnadh gach duaise coinníollach ar ghlacadh leis na hoibleagáidí iomchuí poiblíochta. Maidir leis na torthaí a leathadh, beidh feidhm ag Teideal III den Rialachán seo. Féadfaidh oibleagáidí sonracha maidir le saothrú agus leathadh a bheith sa chlár oibre nó sa phlean oibre.

Airteagal 51

Soláthar, soláthar réamhthráchtála agus soláthar poiblí réiteach nuálaíoch

1. Aon soláthar a dhéanfaidh an Coimisiún ar a shon féin nó i gcomhar leis na Ballstáit, beidh sé faoi réir na rialacha maidir le soláthar poiblí mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 966/2012 agus Rialachán (AE) Uimh. 1268/2012.

2. Féadfaidh cistiú an Aontais bheith i bhfoirm soláthair réamhthráchtála nó soláthair réiteach nuálaíoch a dhéanfaidh an Coimisiún nó an comhlacht ábhartha cistiúcháin ar a shon féin nó i gcomhar le húdarais chonartha ó Bhallstáit agus ó thíortha gaolmhara.

Na nósanna imeachta i ndáil le soláthar:

(a) comhlíonfaidh siad prionsabail na trédhearcachta, an neamh-irdirdhealaithe, na córa comhionainne, na bainistíochta fóna airgeadais, na comhréireachta, rialacha

íomaíochta agus, nuair is infheidhme, Treoir 2004/17/CE, Treoir 2004/18/CE agus Treoir 2009/81/CE nó, i gcás ina bhfeidhmíonn an Coimisiún ar a shon féin, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012;

(b) féadfaidh siad foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha sonracha amhail ionad feidhmíochta na ngníomhaíochtaí a soláthrófar a bheith teoranta i gcás soláthair réamhthráchtála do chríoch na mBallstát agus na dtíortha a bhfuil baint acu le Fís 2020, nuair a thugann cuspoirí na ngníomhaíochtaí bonn cirt cuí leis;

(c) féadfaidh siad dámhachtain conarthaí iolracha a údarú laistigh den nós imeachta céanna (ilfhoinsiú);

(d) déanfaidh siad foráil maidir le dámhachtain na gconarthaí ar an táirgeoir/na táirgeoirí is buntáistí go heacnamaíoch.

3. Ach amháin má fhoráiltear a mhalairt sa ghlaó ar thairiscintí, is faoi úinéireacht an Aontais a bheidh torthaí a ghinfidh soláthar de chuid an Choimisiúin.

4. Déanfar forálacha sonracha maidir le húinéireacht, cearta rochtana, agus ceadúnú a leagan síos sna conarthaí maidir le soláthar réamhthráchtála d'fhonn a áirithiú go mbeidh an t-éileamh is mó is féidir ar na torthaí agus d'fhonn buntáistí míchuí a sheachaint. Beidh ar a laghad na cearta maoine intleachtúla gaolmhara faoi úinéireacht an chonraitheora a ghinfidh na torthaí agus é i mbun soláthair réamhthráchtála. Beidh ar a laghad cearta rochtana saor ó ríchíosanna ar na torthaí le haghaidh a n-úsáide féin ag na húdarais chonartha-hacha, agus beidh an ceart acu ceadúnais neamheisiacha a dheonú do thríú páirtithe, nó an ceart ceangal a chur ar chonraitheoirí rannpháirteacha iad a dheonú, chun na torthaí a shaothrú faoi choinníollacha córa réasúnacha gan aon cheart a bheith ag na tríú páirtithe sin focheadúnas a dheonú. Mura ndéanann conraitheoir saothrú tráchtála ar na torthaí laistigh de thréimhse shocraithe tar éis an tsoláthair réamhthráchtála mar a shaináithnítear é sa chonradh, aistroidh sé úinéireacht na dtorthaí chuig na húdarais chonartha-hacha.

5. Féadfar forálacha sonracha maidir le húinéireacht, cearta rochtana, agus ceadúnú a leagan síos sna conarthaí maidir le soláthar poiblí réiteach nuálaíoch d'fhonn a áirithiú go mbeidh an t-éileamh is mó is féidir ar na torthaí agus d'fhonn buntáistí míchuí a sheachaint.

Airteagal 52

Ionstraimí Airgeadais

1. Féadfaidh na hionstraimí airgeadais a bheith in aon cheann de na foirmeacha dá dtagraítear i dTeideal VIII de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 agus cuirfean chun feidhme i gcomhréir leis sin iad, agus féadfar iad a chur le chéile agus le deontais a chisteofar faoi bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013.

2. De mhaolú ar an dara fómhír d'Airteagal 140(6) de Rialachán (AE, Euratom) Uimhir 966/2012, déanfar ioncain agus aisíocaíochtaí bliantúla araon a ghinfeadh ó ionstraim airgeadais a bunaíodh faoi Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 a shannadh, i gcomhréir le hAirteagal 21(4) de Rialachán Uimhir 966/2012, don ionstraim airgeadais sin.

3. De mhaolú ar an dara fómhír d'Airteagal 140(6) de Rialachán (AE, Euratom) Uimhir 966/2012, déanfar ioncain agus aisíocaíochtaí a ghinfeadh leis an tSaoráid Airgeadais Roinnte Riosca a bunaíodh faoi Chinneadh Uimh. 1982/2006/CE agus an chéim luath den tSaoráid Ardfháis agus Nuálach do FBManna (GIF1) a bunaíodh faoi Chinneadh Uimh. 1639/2006/CE, a shannadh, i gcomhréir le hAirteagal 21(4) de Rialachán (AE, Euratom) Uimhir 966/2012, do na hionstraimí airgeadais atá le teacht faoi Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013.

Airteagal 53

Ionstraim FBM

1. Ní fhéadfaidh ach FBManna cur isteach ar ghlaonna ar thograí a eisítear faoin ionstraim atá dírithe ar FBManna dá dtagraítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013. Féadfaidh siad comhoibriú le comhlachtaí eile, le heagraíochtaí taighde agus le hollscoileanna.

2. Nuair a bheidh comhlacht bailíochtaí mar FBM, déanfar talamh slán de go mairfidh an stádas dlíthiúil sin ar feadh thréimhse iomlán an tionscadail, fiú amháin i gcásanna ina sáraíonn an comhlacht, de bharr a fháis, uasteorainneacha shainmhínte FBM.

3. I gcás na hionstraim d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide nó i gcás na ndeontas ó chomhlachtaí cistiúcháin nó ón gCoimisiún atá dírithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide, féadfar forálacha sonracha a leagan síos sa chomhaontú deontais, go háirithe maidir le húninéireacht, le cearta rochtana, agus le saothrú agus le leathadh.

Airteagal 54

An Chonair Mhear i dtreo na Nuálaíochta

1. I gcomhréir le hAirteagal 7, féadfaidh aon eintiteas dlíthiúil páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht faoin gConair Mhear i dtreo na Nuálaíochta ("FTI"). Gníomhaíochtaí nuálaíochta a bheidh sna gníomhaíochtaí a chisteofar faoin gConair Mhear. Beidh an Chonair Mhear oscailte do thograí a bhaineann le haon réimse teicneolaíochta faoin sprioc shonrach "Ceannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíochta" a leagtar amach i bPointe 1 de Chuid II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 nó d'aon cheann de na cuspóirí sonracha faoin tosaíocht "Dúshlán shochoaíochta" a leagtar amach i bpointe 1 go pointe 7 de Chuid III d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.

2. Féadfar tograí a chur isteach tráth ar bith. Déanfaidh an Coimisiún trí scoithdháta in aghaidh na bliana a shocrú chun meastóireacht a dhéanamh ar na tograí. Ní bheidh an méid ama

idir scoithdháta agus síniú an chomhaontaithe deontais nó an fógra maidir leis an gcomhaontú deontais níos faide ná sé mhí. Déanfar na tograí a rangú de réir a dtionchar, a gcáilíochta, éifeachtúlacht a gcur chun feidhme agus a sármhaitheasa, agus beidh ualú níos airde ag gabháil do chritéir an tionchair. Ní bheidh níos mó ná cúig eintiteas dlíthiúla rannpháirteach in aon ghníomhaíocht amháin. Ní bheidh méid an deontais níos mó ná EUR 3 mhilliún.

Airteagal 55

Forálacha sonracha eile

1. I gcás gníomhaíochtaí a bhaineann le cúrsaí slándála, féadfar forálacha sonracha a leagan síos sa chomhaontú deontais, go háirithe maidir le soláthar poiblí réamhthráchtála, réitigh nuálacha a sholáthar, athruithe ar chomhdhéanamh an chuibhreannais, faisnéis rúnaicmithe, saothrú, leathadh, rochtain oscailte ar fhoilseacháin taighde, aistrithe agus ceadúnais torthaí a dheonú.

2. I gcás gníomhaíochtaí atá ceaptha tacú le bonneagar taighde nua nó bonneagar taighde atá ann cheana, féadfar a leagan síos sa chomhaontú deontais forálacha sonracha a bhaineann le húsáideoirí an bhonneagair agus le rochtain na n-úsáideoirí orthu.

3. I gcás gníomhaíochtaí taighde 'ar theorainneacha an eolais' a dhéanann an Chomhairle Eorpach um Thaighde, féadfar forálacha sonracha a leagan síos sa chomhaontú deontais, go háirithe maidir le cearta rochtana, iniomparthacht agus leathadh, nó a bhaineann le rannpháirtithe, taighdeoirí, agus aon pháirtí a mbaineann an ghníomhaíocht leis.

4. I gcás gníomhaíochtaí oiliúna agus soghluaisteachta, féadfar a leagan síos sa chomhaontú deontais forálacha sonracha maidir le gealltanais a bhaineann le taighdeoirí a bhaineann sochar as an ngníomhaíocht, maidir le húninéireacht, maidir le cearta rochtana agus maidir le hiniomparthacht.

5. I gcás gníomhaíochtaí comhordaithe agus tacaíochta, féadfar forálacha sonracha a leagan síos sa chomhaontú deontais, go háirithe maidir le húninéireacht, cearta rochtana, saothrú agus leathadh na dtorthaí.

6. I gcás Phobail Eolais agus Nuálaíochta de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht, féadfar forálacha sonracha a leagan síos sa chomhaontú deontais, go háirithe maidir le húninéireacht, cearta rochtana, saothrú agus leathadh.

TEIDEAL V

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 56

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Tugtar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh don Choimisiún faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 1(3) a ghlacadh a thabhairt don Choimisiún ar feadh ré Fhís 2020.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an tarmligeán cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 1(3) a chúlghairm tráth ar bith. Leis an gcinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligeán na cumhachta a shonrófar sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis ón lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin méid sin an tráth céanna.

5. Ní thiochfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 1(3) i bhfeidhm ach amháin mura ndearna an Pharlaimint Eorpach nó an Chomhairle agóid laistigh de dhá mhí ó fhógra maidir leis an ngníomh sin a bheith curtha chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle nó, mura cuireadh in iúl don Pharlaimint agus don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 57

Aisghairm agus forálacha idirthréimhseacha

1. Aisghairtear leis seo Rialachán (CE) Uimh. 1906/2006, le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.

2. Gan dochar do mhír 1, ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do leanúint ná do mhodhnú na ngníomhaíochtaí lena mbaineann, lena n-áirítear a lán-fhoirceannadh nó a bpáirt-fhoirceannadh, go dtí go ndéanfar clabhsúr orthu nó go dtí go dtabharfaidh an Coimisiún nó comhlachtaí cistiúcháin cúnamh airgeadais dóibh faoi Chinneadh Uimh. 1982/2006/CE, ná ní dhéanfaidh sé difear d'aon reachtaíocht eile is infheidhme maidir leis an gcúnamh sin an 31 Nollaig 2013, reachtaíocht a leanfaidh d'fheidhm a bheith aici maidir leis na ngníomhaíochtaí go dtí go gcuirfear clabhsúr leo.

3. Maidir le suimeanna ar bith ón gCiste um Ráthaíocht Rannpháirtithe a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1906/2006, mar aon leis na cearta agus na hoibleagáidí a ghabhann leo, aistrefar chuig an gCiste iad amhail ón 31 Nollaig 2013. Aon rannpháirtí i ngníomhaíochtaí a dhéanfar faoi Chinneadh Uimh. 1982/2006/CE agus a shíneoidh comhaontuithe deontais tar éis an 31 Nollaig 2013, déanfaidh sé a ranníocaíocht leis an gCiste.

Airteagal 58

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 11 Nollaig 2013.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

V. LEŠKEVIČIUS

**RIALACHÁN (AE) Uimh. 1291/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 11 Nollaig 2013**

lena mbunaítear Fís 2020 – An Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020), agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 173(3) agus Airteagal 182(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá sé de chuspóir ag an Aontais a chuid fothaí eolaíoch agus teicneolaíoch a neartú trí Limistéar Eorpach Taighde ("LET") a bhaint amach ina mbeidh taighdeoirí, eolas eolaíoch agus teicneolaíocht ag gluaiseacht faoi shaoirse, agus tríd an Aontas a spreagadh chun dul i dtreo sochaí eolais agus chun teacht chun bheith ina gheilleagar níos iomaíche agus inbhuanaithe, lena n-áirítear an t-iomaíochas i leith a chuid tionsclaíochta. D'fhonn dul sa tóir ar an gcuspóir sin, ba cheart don Aontas gníomhaíochtaí a chur ar bun chun taighde, forbairt theicneolaíoch, léiriú agus nuálaíocht a chur chun feidhme, comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn, torthaí a leathadh agus a bharrfheabhsú agus oiliúint agus soghluaisteacht a spreagadh.
- (2) Tá sé de chuspóir ag an Aontas freisin féachaint chuige go mbeidh na dálaí ann is gá chun cumas iomaíochta thionscail an Aontais a áirithiú. Chuige sin, ba cheart don ghníomhaíocht a bheith dírithe ar úsáid

níos fearr a dhéanamh de chumas tionsclaíoch na mbeartas nuálaíochta, taighde agus forbartha teicneolaíochta a chothú.

- (3) Tá an tAontas tiomanta Straitéis Eoraip 2020 a bhaint amach. Ar na cuspóirí a leagtar síos sa straitéis sin, tá fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, ina gcuirtear béim ar an ról atá ag taighde agus nuálaíocht mar phríomhghníomhaithe spreagtha an rathúnais shóisialta agus eacnamaíoch agus na hinbhuanaitheachta comhshaoil agus ina leagtar síos an sprioc don Aontas féin caiteachas ar Thaighde agus ar Fhorbairt a ardú le hinfheistíocht phríobháideach a mhealladh a bheidh suas le dhá thrian de na hinfheistíochtaí iomlána, agus iomlán carnach 3 % den olltáirgeacht intíre (OTI) a bhaint amach faoin mbliain 2020 agus táscaire déine nuálaíochta a fhorbairt. Ba cheart go léireofaí an sprioc uaimhianach sin i mbuiséad ginearalta an Aontais trí aistriú chuig infheistíochtaí lena ndíreofar ar an todhchaí a mhaoiniú, amhail an taighde, an fhorbairt agus an nuálaíocht. Sa chomhthéacs sin, leagtar síos i dtionscnamh suaitheanta "Aontas Nuálaíochta" de chuid straitéis Eoraip 2020 cur chuige straitéiseach agus comhtháite maidir leis an taighde agus leis an nuálaíocht, ina leagtar síos an creat agus na cuspóirí ar cheart do chistiú na taighde agus na nuálaíochta an Aontais amach anseo cur leo. Is príomhfhachtóirí iad an taighde agus an nuálaíocht i dtionscnaimh shuaitheanta eile de chuid straitéis Eoraip 2020, go háirithe maidir leis an Eoraip a bheidh éifeachtach ó thaobh acmhainní de, maidir le beartas tionsclaíoch don ré domhandaithe, agus maidir le clár oibre digiteach don Eoraip, agus maidir le cuspóirí eile beartais, amhail an aeráid agus an beartas fuinnimh. Ina theannta sin, d'fhonn cuspóirí straitéis Eoraip 2020 a bhaineann leis an taighde agus an nuálaíocht a bhaint amach, tá ról lárnach ag an mbeartas omhtháthaithe trí inniúlacht a neartú agus cosán i dtreo barr feabhais a sholáthar.

- (4) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2010 dar teideal "Athbheithniú Buiséid AE", cuireadh príomhphrionsabail chun cinn ar cheart dóibh a bheith mar bhuntaca le buiséad ginearálta an Aontais amach anseo, eadhon díriú ar ionstraimí lena mbaineann breisluach aitheanta don Aontas, díriú níos mó ar thorthaí, agus foinsí eile cistiúcháin príobháideacha agus poiblí a ghíaráil, agus beartaíodh ann réimse iomlán ionstraimí an Aontais maidir le taighde agus nuálaíocht a thabhairt le chéile i gcomhchreat straitéiseach.

- (5) D'iarr Parlaimint na hEorpa go ndéanfaí simpliú radacach ar chistiú taighde agus nuálaíochta an Aontais ina Rún dar dáta 11 Samhain 2010 ⁽⁴⁾, tá aird dírithe aici ar an tábhacht a bhaineann leis an Aontas Nuálaíochta chun an Eoraip a chlaochlú don domhan iar-ghéarchéime, ina rún

⁽¹⁾ IO C 181, 21.6.2012, lch. 111.

⁽²⁾ IO C 277, 13.9.2012, lch. 143.

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Samhain 2013 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 3 Nollaig 2013.

⁽⁴⁾ IO C 74 E, 13.3.2012, lch. 34.

dar dáta 12 Bealtaine 2011 ⁽¹⁾, tá aird dírithe aici ar na ceachtanna tábhachtacha atá le foghlaim tar éis na meastóireachta eatramhaí ar an Seachtú Clár Réime ina rún dar dáta 8 Meitheamh 2011 ⁽²⁾ agus tá tacaíocht tugtha aici don choincheap i leith comhchreata straitéisigh le haghaidh cistiúcháin na taighde agus na nuálaíochta ina rún dar dáta 27 Meán Fómhair 2011 ⁽³⁾.

- (6) An 26 Samhain 2010, d'iarr an Chomhairle go ndéanfaí le clár chistiúcháin an Aontais amach anseo díriú níos mó ar thosaíochtaí Eoraip 2020, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochoíochta agus ar theicneolaíochtaí lárnacha, taighde comhoibríteach a spreagfaidh tionscal a éascú, na hionstraimí a chuíchóiriú, rochtain a shimpliú go suntasach, an tréimhse chuig an margadh a laghdú agus barr feabhais a neartú tuilleadh.
- (7) Ag an gcruinniú an 4 Feabhra 2011, thacaigh an Chomhairle Eorpach le coincheap an chomhchreata straitéisigh maidir le cistiú taighde agus nuálaíochta an Aontais d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtúlacht cistiúcháin den sórt sin ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus d'iarr sé ar an Aontas tabhairt faoi na bacainní atá fós ar thallann agus infheistiúocht a mhealladh go tapa d'fhonn an Limistéar Eorpach Taighde a chur i gcrích faoin mbliain 2014 agus fíormhargadh aonair a bhaint amach don eolas, don taighde agus don nuálaíocht.
- (8) Sa Pháipéar Uaine ón gCoimisiún an 9 Feabhra 2011 dar teideal "Ó Dhúshláin go Deiseanna: I dtreo comhchreata straitéisigh le haghaidh cistiúcháin an AE do Thaighde agus Nuálaíocht", sainithníodh ceisteanna lárnacha maidir leis an mbealach chunna cuspóirí uailmhianacha sin a leagtar amach sa Teachtaireacht ón Choimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2010 a bhaint amach agus seoladh comhairliúchán ginearálta inar aontaigh páirtithe leasmhara agus institiúidí an Aontais den chuid is mó leis na smaointe a cuireadh i láthair ann.
- (9) Leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige straitéiseach comhtháite freisin sna tuairimí a rinne an Coiste um an Limistéar Eorpach Taighde agus Nuálaíochta (CLET) a sheachadadh an 3 Meitheamh 2011, agus a rinne Coiste na Réigiún a sheachadadh an 30 Meitheamh 2011 ⁽⁴⁾, agus a rinne Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a sheachadadh an 13 Iúil 2011 ⁽⁵⁾.
- (10) Ina Teachtaireacht an 29 Meitheamh 2011 dar teideal "Buiséad don Eoraip 2020", bheartaigh an Coimisiún, le comhchreata straitéiseach amháin maidir leis an Taighde agus leis Nuálaíocht, aghaidh a thabhairt ar na réimsí a chumhdaítear sa tréimhse faoi Sheachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh um thaighde, um fhorbairt

theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí léiriúcháin ('an Seachtú Clár Réime') a bunaíodh le Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾ agus leis an gcuid nuála den Chreatchlár um Iomaíochas agus Nuálaíocht (2007 go 2013) a bunaíodh le Cinneadh Uimh. 1639/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾, chomh maith leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht ('EIT') a bunaíodh e Rialachán (CE) Uimh. 294/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾, d'fhonn rannchuidiú le sprioc na Straitéise Eoraip 2020 caiteachas ar Thaighde agus ar Fhorbairt a mhéadú go 3 % den OTI faoin mbliain 2020 a bhaint amach. Sa Teachtaireacht sin, thug an Coimisiún gealltanais freisin an t-athrú aeráide a phríomhshruthú isteach i gclár caiteachais an Aontais agus ar a laghad 20 % de bhuiséad ginearálta an Aontais a dhíriú ar chuspóirí a bhaineann leis an aeráid.

Is cuspóirí atreistithe frithpháirteacha atá i ngníomhaíocht ar mhaithe leis an aeráid agus éifeachtúlacht acmhainní chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach. Ba cheart go gcomhlánófaí na cuspóirí sonracha a bhaineann leis an dá cheann trí na cuspóirí sonracha eile a ghabhann le Fís 2020 - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht 2014-2020 ('Fís 2020') a bunaíodh leis an Rialachán seo. Mar thoradh air sin, táthar ag súil go mbainfidh ar a laghad 60 % de bhuiséad foriomlán Fís 2020 le forbairt inbhuanaithe. Táthar ag súil freisin gur caiteachas a bhaineann leis an aeráid a bheidh i gceist le os cionn 35 % de bhuiséad iomlán Fís 2020, lena n-áirítear bearta atá comhoiriúnach lena chéile lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht acmhainní. Ba cheart don Choimisiún faisnéis a chur ar fáil maidir le scála agus torthaí na tacaíochta do chuspóirí athraithe aeráide. Ba cheart go rianófaí caiteachas a bhaineann leis na aeráid faoi Fís 2020 i gcomhréir leis an modheolaíocht atá luaite sa Teachtaireacht sin.

- (11) I bhFís 2020, díritear ar thrí thosaíocht, eadhon eolaíocht den scoth a ghineadh d'fhonn barr feabhais an Aontais san eolaíocht a neartú, ceannaireacht thionsclaíoch a chothú chun tacú le gnóthais, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBM) agus nuálaíocht agus dul i ngleic le dúshláin shochoíochta, d'fhonn freagairt go díreach do na dúshláin atá aitheanta i Straitéis Eoraip 2020 trí thacú le gníomhaíochtaí ina gcumhdaítear an speictream iomlán ón taighde go dtí an margadh. Ba cheart go dtacófaí le Fís 2020 le gach céim den slabhra taighde agus nuálaíochta (lena n-áirítear nuálaíocht neamhtheicniúil agus shóisialta, agus na gníomhaíochtaí atá níos giorra don mhargadh), agus ba cheart go mbeidh ráta éagsúil cistiúcháin ag gabháil leis na gníomhartha

⁽¹⁾ IO C 377 E, 7.12.2012, lch. 108.

⁽²⁾ IO C 380 E, 11.12.2012, lch. 9.

⁽³⁾ IO C 56 E, 26.2.2013, lch. 1.

⁽⁴⁾ IO C 259, 2.9.2011, lch. 1.

⁽⁵⁾ IO C 318, 29.10.2011, lch. 121.

⁽⁶⁾ Cinneadh Uimh 1982/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Seachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí léiriúcháin (2007-2013) (IO L 412, 30.12.2006, lch. 1).

⁽⁷⁾ Cinneadh Uimh. 1639/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 lena mbunaítear Clár Réime Iomaíochais agus Nuálaíochta (2007 to 2013) (IO L 310, 9.11.2006, lch. 15).

⁽⁸⁾ Rialachán (CE) Uimh. 294/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 lena mbunaítear an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus um Theicneolaíocht (IO L 97, 9.4.2008, lch. 1).

- nuálaíochta agus taighde, ar ráta é a bheidh bunaithe ar an bprionsabal gur cheart go mbeadh an cistiú breise a fhaightear ó fhoinsí eile níos mó ag brath ar a chónaraí agus a bheidh an ghníomhaíocht a mbeidh tacaíocht á fáil aici don mhargadh. Áirítear ionstraimí nuála airgeadais ar ghníomhaíochtaí atá níos cóngaraí don mhargadh, agus díreann leo ar riachtanais taighde speictream leathan beartas de chuid an Aontais a chomhlíonadh trí bhéim a chur ar eolas a ghintear leis na gníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh a úsáid a mhéid is féidir go dtí go ndéanfar an t-eolas sin a shaothrú ar bhonn tráchtála. Ba cheart tacaíocht a thabhairt do thosaíochtaí Fís 2020 freisin trí chlár maidir leis an taighde núicléach agus le hoiliúint núicléach arna bhunú le Rialachán (Euratom) Uimh. 1314/2013 ⁽¹⁾ faoin gChonradh.
- (12) Ba cheart go mbeadh Fís 2020 ar fáil do rannpháirtithe nua d'fhonn comhar forleathan agus thar barr a áirithiú le comhpháirtithe ar fud an Aontais d'fhonn Limistéar Eorpach Taighde comhtháite a bhaint amach.
- (13) Ba cheart don Airmheán Comhphárteach Taighde ("ACT") tacaíocht theicniúil agus eolaíochta atá dírithe ar chustaiméirí a chur ar fáil do bheartais an Aontais agus freagairt go solúbtha d'éilimh ar bheartais nua.
- (14) I gcomhthéacs thriantán an eolais maidir leis an taighde, leis an nuálaíocht agus leis an ardoideachas, ba cheart do na Pobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna) faoin IEN rannchuidiú go mór le dul i ngleic le cuspóirí Fís 2020, lena n-áirítear na dúshlán shochoíochta, trí chomhtháthú a dhéanamh ar an taighde, ar an oideachas agus ar an nuálaíocht go háirithe. Ba cheart go ndéanfadh EIT fiontraíocht a chothú ina chuid gníomhaíochtaí taighde, nuálaíochta agus ardoideachais a bhíonn aici. Ba cheart go háirithe, go gcuirfeadh sí sároideachas fiontraíochta chun cinn agus go dtacódh sí le cruthú gnóthaí nuathionscanta agus seach-chuideachtaí.
- (15) I gcomhréir le hAirteagal 182(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), socraítear i bhFís 2020 an t-uasmhéid foriomlán agus leagtar síos na rialacha mionsonraithe maidir le rannpháirtíocht airgeadais an Aontaisintí maille leis an gcion faoi seach i ngach gníomhaíocht a ndéantar foráil ina leith.
- (16) Leagtar síos leis an Rialachán seo, ar feadh ré iomlán Fís 2020, imchlúdach airgeadais arb é an príomhmheid tagartha do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil é, de réir bhrí phointe 17 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistiú fóna airgeadais ⁽²⁾.
- (17) Ba cheart go mbeadh cothromaíocht iomchuí idir na tionscail bheaga agus na tionscail mhóra laistigh de thosaíocht na "dúshlán shochoíochta" agus den chuspóir sonrath "Ceannaireacht sna teicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíochta".
- (18) Ba cheart go gcomhlánfaí leis na gníomhaíochtaí laistigh den chuspóir sonrath "Teicneolaíochtaí sa Todhchaí agus Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn" na gníomhaíochtaí laistigh de na codanna eile d'Fhís 2020, agus go lorgófaí sineirgí i gcásanna inarbh fhéidir.
- (19) Is iomchuí a áirithiú go gcuirfear bailchríoch cheart ar Fís 2020 agus arna clár ba réamhtheachtaithe, go háirithe maidir le leanúint de shocrúithe ilbhliantúla maidir le bainistiú na gclár, amhail cúnamh teicniúil agus riaracháin a mhaoiniú.
- (20) Is aidhm lárnach ag Fís 2020 é an simpliú agus ba cheart go mbeadh sin le feiceáil ina dhearadh, ina rialacha, ina bhainistiú airgeadais agus ina chur chun feidhme. Ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag Fís 2020, rannpháirtíocht láidir ollscoileanna, ionad taighde, tionscail agus FBManna go sonrath a mhealladh agus a bheith ar oscailt do rannpháirtithe nua, ós rud é go dtugtar le chéile an réimse iomlán tacaíochta taighde agus nuálaíochta i gcomhchreat straitéiseach amháin, lena n-áirítear sraith chuíchóirithe cineálacha tacaíochta agus go mbaintear úsáid as rialacha rannpháirtíochta in éineacht le prionsabail is infheidhme maidir le gach gníomh faoi Fís 2020. Ba cheart go laghdófaí costais riaracháin rannpháirtíochta mar thoradh ar rialacha cistiúcháin níos simplí, agus leis na rialacha sin cabhrófar earráidí airgeadais a chosc agus a laghdú.
- (21) Ba cheart do Fís 2020 cur le haidhmeanna na gComhpháirtíochtaí Nuálaíochta Eorpacha i gcomhréir leis an tionscnamh suaitheanta, 'an tAontas Nuálaíochta', trína dtugtar le chéile na gníomhaithe ábhartha uile ón slabhra iomlán taighde agus nuálaíochta d'fhonn cuíchóiriú, simpliú agus comhordú níos fearr a dhéanamh ar ionstraimí agus ar thionscnaimh.
- (22) D'fhonn an caidreamh idir an eolaíocht agus an tsochaí a láidriú agus muinín an phobail san eolaíocht a neartú, ba cheart go gcothófaí le Fís 2020 rannpháirtíocht eolach saoránach agus na sochaí sibhialta i ndáil le hábhair taighde agus nuálaíochta trí oideachas eolaíochta a chur chun cinn, trí rochtain níos fusa a sholáthar ar eolas eolaíoch, trí chlár oibre fhreagracha maidir le taighde agus le nuálaíocht a fhorbairt lena bhfreastalaítear ar inní agus ionchas na saoránach agus na sochaí sibhialta agus trína rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí Fís 2020 a éascú. Ba cheart go rachadh rannpháirtíocht saoránach agus na sochaí sibhialtach le chéile le gníomhaíochtaí for-rochtana poiblí le tacaíocht phoiblí a ghiniúint agus a choimeád.
- (23) Ba cheart go mbeadh cothromaíocht iomchuí idir na tionscail bheaga agus na tionscail mhóra laistigh den tosaíocht 'Dúshlán shochoíochta' agus den chuspóir sonrath "Ceannaireacht sna teicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíochta".

⁽¹⁾ Rialachán (Euratom) Uimh. 1314/2013 ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (2014-2018) lena rannchuidítear le Clár Réime Horizon 2020 um Thaighde agus Nuálaíocht (Féach leathanach 948 den Iris Oifigiúil seo)

⁽²⁾ IO C 373. 20.12.2013, lch. 1.

- (24) Ba cheart go bhfreagrófaí le cur chun feidhme Fís 2020 do na deiseanna agus do na riachtanais athraitheacha a ghabhann leis an eolaíocht agus an teicneolaíocht, an tionscal, beartais agus an tsochaí. Dá réir sin, ba cheart na cláir oibre a bheith socraithe i gcuibhreann dlúth le páirtithe leasmhara ó gach earnáil lena mbaineann, agus ba cheart solúbthacht leordhóthanach a bheith iontu i gcomhair forbairtí nua. Ba cheart comhairle sheachtrach a lorg ar bhonn leanúnach fad a mhaireann Fís 2020, agus ba cheart úsáid a bhaint as struchtúir ábhartha amhail Cláir Oibre Eorpacha Teicneolaíochta, Comhthionscnaimh Chlárúcháin, Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta Eorpacha chomh maith le comhairle a fháil ó phainéil eolaíoch, amhail an Painéal Eolaíoch le haghaidh Sláinte.
- (25) Ba cheart leis na gníomhaíochtaí a fhorbraítear faoi Fís 2020 an combhionannas a chur chun cinn idir mná agus fir sa taighde agus sa nuálaíocht trí aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna is bun le héagothroime inscne go háirithe, trí acmhainneacht iomlán taighdeoirí fireann agus baineann a shaothrú, agus trí chomhtháthú a dhéanamh ar an ngné inscne san inneachar taighde agus nuálaíochta, agus trí aird faoi leith a dhíriú ar chothromaíocht inscne a áirithiú, faoi réir an cháis i réimse an taighde agus na nuálaíochta, i bpainéil luachála agus i gcomhlachtaí ábhartha comhairleacha agus saineolaithe eile d'fhonn cáilíocht an taighde a fheabhsú agus an nuálaíocht a spreagadh. Ina theannta sin, ba cheart go ndíreofaí leis na gníomhaíochtaí ar chur chun feidhme na bprionsabal a bhaineann le combhionannas idir fir agus mná mar a leagtar síos in Airteagal 2 agus in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 8 CFAE iad.
- (26) Ba cheart go gcabhrófaí le Fís 2020 le mealltacht na gairme taighde san Aontas. Ba cheart aird leordhóthanach a thabhairt ar an gCairt Eorpach do Thaighdeoirí agus an Cód Iompair maidir le Taighdeoirí a Earcú, arna leagan amach i Moladh an Choimisiúin 11 Márta 2005 ⁽¹⁾, chomh maith le creataí tagartha ábhartha eile a shainítear i gcomhthéacs LET, agus cineál deonach na cairte agus an chóid iompair á n-urramú ag an am céanna.
- (27) Chun go bhféadfaí dul i mbun iomaíochta ar bhonn domhanda, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán mhóra shochoaíochta ar bhealach éifeachtach cuspóirí Straitéis Eoraip 2020 a bhaint amach, ba cheart go mbainfeadh an tAontas leas iomlán as na hacmhainní daonna atá aige. Sa chomhthéacs sin, ba cheart go gcabhrófaí le Fís 2020 LET a bhaint amach, forbairt choinníollacha réime á spreagadh chun cabhrú le taighdeoirí Eorpacha fanacht san Eoraip nó fillleadh ar an Eoraip, taighdeoirí a mhealladh as áiteanna eile ar fud na cruinne agus an Eoraip a léiriú mar cheann scribe níos tarraingtí do na taighdeoirí is fearr.
- (28) Ba cheart rochtain oscailte ar fhoilseacháin eolaíoch a áirithiú chun cúrsaíocht agus saothrú eolais a ardú.
- Thairis sin, ba cheart go ndéanfaí rochtain oscailte ar na sonraí taighde a bhíonn mar thoradh ar thaighde a chistítear go poiblí faoi Fís 2020 a chur chun cinn, agus na srianta a bhaineann le príobháideacht, slándáil náisiúnta nó cearta maoinne intleachtúla á gcur san áireamh.
- (29) Ba cheart prionsabail bhunúsacha eiticiúla a urramú i ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a bhfuil tacaíocht á bhfáil acu faoi Fís 2020. Ba cheart tuairimí an Ghrúpa Eorpaigh um Eitic san Eolaíocht agus sna Nuatheicneolaíochtaí a chur san áireamh. Ba cheart Airteagal 13 CFAE a chur san áireamh freisin i ngníomhaíochtaí taighde agus ba cheart úsáid ainmhithe sa taighde agus sa tástáil a laghdú d'fhonn deireadh a chur le húsáid ainmhithe faoi dheoidh. Ba cheart leibhéal ard cosanta sláinte daonna i gcomhréir le hAirteagal 168 CFAE a áirithiú le linn chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí uile.
- (30) Le Fís 2020, ba cheart go dtabharfaí aird chuí ar chóir chomhionann agus neamh-idirdhealaitheach san inneachar taighde agus nuálaíochta ag gach céim den timthriall taighde.
- (31) Ní dhéanann an Coimisiún úsáid gascheall suthacha daonna a shireadh go sainráite. Tá úsáid gascheall daonna, más ann di, bíodh siad ina ngaschealla ó dhaoine lánfhásta nó ina ngaschealla suthacha, ag brath ar bhreithiúnas na n-eolaithe maidir leis na cuspóirí ar mian leo a bhaint amach, agus tá an úsáid faoi réir athbhreithnithe eitice dhéin. Níor cheart cistiú a dhéanamh ar aon tionscadal ina mbaintear úsáid as gaschealla suthacha daonna nach bhfuil an formheas is gá faighte ó na Ballstáit ina leith. Níor cheart cistiú a dhéanamh ar aon ghníomhaíocht atá toirmisceithe sna Ballstáit ar fad. Níor cheart cistiú a dhéanamh ar aon ghníomhaíocht i mBallstát ina bhfuil gníomhaíocht den chineál sin toirmisceithe.
- (32) D'fhonn an tionchar is mó is féidir a bhaint amach, ba cheart go bhforbrófaí le Fís 2020 sineirgí dlútha le cláir eile de chuid an Aontais i réimsí amhail an t-oideachas, an spás, an comhshaol, an fuinneamh, an talmhaíocht agus an t-iascach, an t-iomaíochas agus FBManna, slándáil inmheánach, an cultúr agus na meáin.
- (33) Féachtar le Fís 2020 agus leis an mbeartas comhtháthaithe araon go mbeadh ailíniú níos cuimsithí le cuspóirí Eoraip 2020 maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a bhaint amach. Leis an gcur chuige sin, iarrtar go mbeidh sineirgí níos mó ann idir Fís 2020 agus an beartas comhtháthaithe. Ba cheart mar sin, go ndéanfaí léi idirghníomhaíochtaí dlúithe a fhorbairt leis na Cistí Eorpacha Struchtúracha agus Infheistíochta freisin, lena bhféadfar cabhair a thabhairt go sonrach chun inniúlachtaí taighde agus nuálaíochta áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a neartú, go háirithe i gcomhthéacs straitéisí um speisialtóireacht chliste.

⁽¹⁾ IO L 75, 22.3.2005, lch. 67.

- (34) Is foinse shuntasach nuálaíochta, fáis agus poist san Eoraip iad FBManna. Dá bhrí sin, tá gá le rannpháirtíocht láidir FBManna, mar a shainítear iad i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 ⁽¹⁾, i bhFís 2020. Ba cheart dó sin tacú le haidhmeanna an Ghnímh um Ghnólachtaí Beaga, a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Meitheamh 2008 dar teideal "Smaoinigh ar Bheag ar dTús: "Gníomh um Ghnólachtaí Beaga don Eorpaip". Le Fís 2020, ba cheart go gcuirfí réimse bealaí ar fáil chun tacú leis na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta agus le hinniúlachtaí FBManna i gcaitheamh chéimeanna éagsúla an timthrialla nuálaíochta.
- (35) Ba cheart go ndéanfadh an Coimisiún meastóireachtaí agus go ndéanfadh sé taifead ar ráta rannpháirtíochta na FBManna i bhFís 2020. Más rud é nach mbaintear amach an sprioc de 20 % den bhuiséad comhcheangailte iomlán le haghaidh an chuspóra shonraigh maidir le "Ceannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíochta" agus le haghaidh na tosaíochta "Dúshlán shochoaíochta" do FBManna, ba cheart go scrúdódh an Coimisiún na cúiseanna a bheadh leis sin agus ba cheart go molfadh sé bearta nua leordhóthanacha gan mhoill, chun go mbeadh FBManna in ann a rannpháirtíocht a ardú.
- (36) Féadfaidh cláir fhorlíontacha lena ngabhann rannpháirtíocht Bhallstáit áirithe amháin, rannpháirtíocht an Aontais i gcláir a chuirfidh roinnt Ballstát i gcrích, nó bunú comhghnóthas nó socrúithe eile de réir bhrí Airteagal 184, Airteagal 185 agus Airteagal 187 CFAE a bheith mar thoradh ar chur chun feidhme Fís 2020. Ba cheart go ndéanfaí cláir fhorlíontacha den sórt sin a shainaithint agus a chur chun feidhme ar bhealach oscailte, trédhearcach agus éifeachtúil.
- (37) Chun go laghdófaí an oiread ama a bhíonn i gceist ó choincheap go dtí go dtéitear chun margaidh, agus cur chuige ón mbun aníos á úsáid, agus chun rannpháirtíocht an tionscail, FBManna agus na ndreamanna ar iarrthóirí ar Fhís 2020 iad den chéad uair a ardú, ba cheart an treoir-Chonair Mhear i dtreo na Nuálaíochta a chur chun feidhme laistigh den chuspóir sonrath "Ceannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíochta" agus sa tosaíocht, "dúshlán shochoaíochta". Ba cheart go spreagfaí infheistíocht ón earnáil phríobháideach sa taighde agus sa nuálaíocht leis sin, go gcuirfí an taighde agus an nuálaíocht chun cinn agus béim á leagan ar luach a chruthú, agus go gcuirfí dlús leis na teicneolaíochtaí a fhorbairt go táirgí, próisis agus seirbhísí nuálacha.
- (38) Ba cheart go n-aithneofaí le cur chun feidhme Fís 2020 an ról uathúil atá ag na hollscoileanna i mbonn eolaíoch agus teicneolaíoch an Aontais mar institiúidí barr feabhais san ardoideachas, sa taighde agus sa nuálaíocht,
- agus ról ríthábhachtach á imirt acu i ndáil le Limistéar Eorpach an Ardoideachais agus an Limistéar Eorpach Taighde LETa nascadh.
- (39) D'fhonn an tionchar is mó is féidir a bhaint amach do chistiú an Aontais, ba cheart go ndéanfadh Fís 2020 sineirgí níos dlúithe a fhorbairt, a fhéadfaidh bheith i bhfoirm comhpháirtíochtaí poiblí-poiblí, le cláir idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnacha trína gcuirtear tacaíocht ar fáil do thaighde agus do nuálaíocht. Sa chomhthéacs sin, ba cheart go spreagfaí le Fís 2020 an leas is fearr a bhaint as acmhainní agus dúbailt nach bhfuil gá leis a sheachaint.
- (40) Ba cheart tionchar níos mó a bhaint amach trí chistí Fís 2020 agus cistí ón earnáil phríobháideach a chomhcheangal laistigh de chomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha i réimsí tábhachtacha ina bhféadfaidh taighde agus nuálaíocht cur le haidhmeanna iomaíochais níos leithne na hEorpa, infheistíocht phríobháideach a ghíaráil agus cabhrú tabhairt faoi dhúshlán shochoaíochta. Ba cheart go mbunófaí na comhpháirtíochtaí sin ar ghealltanais fadtéarmach, lena n-áirítear ranníocaíocht chothrom ó na comhpháirtithe uile, go mbeidís siad freagrach as a spriocanna a bhaint amach agus go mbeidís ailínithe le cuspóirí straitéiseacha an Aontais maidir le taighde, leis an bhforbairt agus leis an nuálaíocht. Ba cheart go ndéanfaí na comhpháirtíochtaí a rialáil agus a fheidhmiú ar bhealach oscailte, trédhearcach, éifeachtach agus éifeachtúil agus ba cheart go dtabharfaí deis leo do réimse leathan geallsealbhoirí atá gníomhach ina réimsí sonracha faoi leith a bheith rannpháirteach. Féadfar leanúint leis na comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha i bhfoirm Comhthionscnamh Teicneolaíochta arna seoladh faoin Seachtú Clár Réime agus úsáid á baint as struchtúr atá níos oiriúnaí don chuspóir atá leo.
- (41) Ba cheart go gcuirfí comhar le tríú tíortha chun cinn le Fís 2020, bunaithe ar chomhleas agus ar leas coiteann. Ba cheart go ndíreofaí ar chomhar idirnáisiúnta san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus sa nuálaíocht d'fhonn cur le baint amach chuspóirí na straitéise Eoraip 2020 chun iomaíochas a neartú, cur le dul i ngleic le dúshlán shochoaíochta agus beartais sheachtracha agus forbartha an Aontais a chothú, lena n-áirítear sineirgí a fhorbairt le cláir sheachtracha agus cur le tiomantais idirnáisiúnta an Aontais, amhail baint amach Spriocanna Forbartha na Mílaoise. Ba cheart go ndéanfaí gníomhaíochtaí idirnáisiúnta comhair a choimeád ar a laghad ar leibhéal an Seachtú Clár Réime.
- (42) Chun cothrom iomaíochta a choimeád do gach gnóthas atá gníomhach sa mhargadh inmheánach, ba cheart cistiú a fhaightear ó Fhís 2020 a bheith i gcomhréir le rialacha státhabhrach chun éifeachtacht caiteachais phoiblí a áirithiú agus chun saobhadh ar an margadh a chosc amháin cistiú príobháideach a bhrú amach, struchtúir neamhéifeachtacha margaidh a chruthú agus gnólachtaí neamhéifeachtúla a chaomhnú.

⁽¹⁾ Moladh ón gCoimisiún 2003/361/CE an 6 Bealtaine 2003 a bhaineann le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

- (43) D'aithin Comhairle Eorpach an 4 Feabhra 2011 an gá le cur chuige nua maidir le rialú agus bainistiú riosca i cistíú taighde an Aontais, agus d'iarr sí cothromaíocht nua idir iontaoibh agus rialú agus idir glacadh riosca agus seachaint riosca. D'iarr Parlaimint na hEorpa, ina rún dar dáta 11 Samhain 2010 maidir le cur chun feidhme na gCreatchlár Taighde, gluaiseacht phragmatach i dtreo an tsimplithe riaracháin agus airgeadais agus dúirt si ann gur cheart do bhainistiú cistiúcháin taighde Eorpaigh a bheith níos bunaithe ar iontaoibh agus níos fulangaí i dtreo rannpháirtithe ó thaobh rioscaí de. Baineadh de tháil as tuarascáil eatramhach mheasúnaithe an Seachtú Clár Réime go bhfuil gá le cur chuige níos radacaí chun dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir le simpliú, agus gur gá cothromaíocht idir rioscaí agus iontaoibh a athbhunú.
- (44) Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhíthin beart comhréireach ar feadh an timthrialla caiteachais, lena n-áirítear neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, nuair is iomchuí, pionóis a fhorchur. Ba cheart go laghdófaí an t-ualach rialaithe do rannpháirtithe mar thoradh ar straitéis rialaithe athbhreithnithe, trína n-athrófar an fócas ó íoslaghú rátaí earráide i dtreo rialaithe bunaithe ar riosca agus calaíoch a bhrath.
- (45) Tá sé tábhachtach go n-áirítear bainistiú fóna airgeadais Fhís 2020 agus a chur chun feidhme ar an mbealach is éifeachtaí agus is aisiúla don úsáideoir, agus deimhneacht dhlíthiúil agus inrochtaineacht Fhís 2020 do gach rannpháirtí á n-áirithiú ag an am céanna. Is gá comhlíonadh Rialachán (AE, Euratom) Uimh 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ agus na gceanglas a bhaineann le simpliú agus rialáil níos fearr a áirithiú.
- (46) Éilítear le bainistiú éifeachtach ar fheidhmíocht, lena n-áirítear meastóireacht agus faireachán, go ndéanfaí tascairí sonracha feidhmíochta a fhorbairt, a bhféadfaí a thomhas le himeacht ama; beidh na tascairí sin réalaíoch agus léireofar leo an chúis a bheidh laistiar den idirghabháil; agus beidh siad ábhartha maidir le céimlathas na gcuspóirí agus na ngníomhaíochtaí. Ba cheart sásraí comhordaithe iomchuí a bhunú idir cur chun feidhme Fhís 2020 agus faireachán a dhéanamh air, agus faireachán ar dhul chun cinn, ar mhórghníomhartha agus ar fheidhmiú LET.
- (47) Faoi dheireadh 2017, mar chuid den mheastóireacht idirthréimhseach ar Fhís 2020, ba cheart mbeadh na comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha atá ann cheana agus na comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha nua araon, lena n-áirítear na Comhthionscnaimh Theicneolaíochta, a bheith faoi réir measúnaithe dhomhain, ar cheart go n-áireofaí ann, inter alia, anailís ar a oscailte,

thrédhearcaí agus éifeachtaí agus atá siad. Ba cheart go n-áireofaí leis an measúnú sin an mheastóireacht a rinneadh ar IET mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 294/2008 í ionas go bhféadfaí measúnú a dhéanamh bunaithe ar phrionsabail choiteanna.

- (48) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon an creat foriomlán taighde agus nuálaíochta a neartú agus na hiarrachtaí a dhéantar ar fud an Aontais a chomhordú, agus gur fearr is féidir dá bhrí sin, d'fhonn dúbláil a sheachaint, mais chriticiúil a chothú i réimsí lárnaigh agus a áirithiú go n-úsáidfeair airgeadas poiblí ar bhealach barrmhaith, iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.
- (49) Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla agus soiléireachta, ba cheart Treoir Uimh. 1982/2006/CE a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

TEIDEAL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Bunaítear Fís 2020 – An Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020) ("Fís 2020") leis an Rialachán seo, agus cinntear an creat lena rialaítear tacaíocht ón Aontas le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta, agus neartaítear fotha eolaíoch agus teicneolaíoch na hEorpa agus lena gcothaítear leasanna don tsochaí agus saothrófar níos fearr acmhainneacht eacnamaíoch agus thionsclaíoch na mbearta maidir leis an nuálaíocht, leis an taighde agus leis an bhforbairt theicneolaíoch ar an gcaoi sin.

Airteagal 2

Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn 'gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta' raon iomlán na ngníomhaíochtaí taighde, forbartha teicneolaíche, taispeántais agus nuálaíochta, lena n-áirítear comhar le tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a chur chun cinn, leathadh agus barrfheabsú torthaí agus oiliúna ar ardcháilíocht agus soghluaisteachta taighdeoirí san Aontas a spreagadh;
- (2) ciallaíonn 'gníomhaíochtaí díreacha' gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a dhéanann an Coimisiún trína Airmheán Comhpháirteach Taighde (ACT);

⁽¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1) ón gComhairle.

- (3) ciallaíonn 'gníomhaíochtaí indíreacha' gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a soláthraíonn an tAontas tacaíocht airgeadais dóibh agus a dhéanann na rannpháirtithe;
- (4) ciallaíonn 'comhpháirtíocht phoiblí-phríobháideach' comhpháirtíocht ina ngeallann comhpháirtithe ón earnáil phríobháideach, an tAontas agus, i gás inarb iomchuí, comhpháirtithe eile, amhail comhlachtaí na hearnála poiblí, go dtacóidh siad go comhpháirteach le gníomhaíochtaí nó le clár taighde agus nuálaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme;
- (5) ciallaíonn 'comhpháirtíocht phoiblí-phoiblí' comhpháirtíocht ina ngeallann comhlachtaí ón earnáil phoiblí nó comhlachtaí a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu ar an leibhéal áitiúil, an leibhéal réigiúnach, an leibhéal náisiúnta nó an leibhéal idirnáisiúnta, in éineacht leis an Aontas go dtacóidh siad go comhpháirteach le gníomhaíochtaí nó le clár taighde agus nuálaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme;
- (6) ciallaíonn 'bonneagair taighde' saoráidí, acmhainní agus seirbhísí a mbaineann na comhphobhail taighde leas astu le taighde a dhéanamh agus le nuálaíocht a chothú ina réimsí. I gcás inarb ábhartha, féadfar iad a úsáid i réimsí eile seachas an taighde, mar shampla chun críche oideachais nó seirbhísí poiblí. Áirítear leo: trealamh mór eolaíoch (nó tacair ionstraimí); acmhainní eolasbhunaithe amhail bailiúcháin, cartlanna nó sonraí eolaíoch; ríomhbhonneagar amhail sonraí agus córais ríomhaireachta agus líonraí cumarsáide; agus aon bhonneagar eile de chineál uathúil a bheidh riachtanach le go mbainfear barr feabhas amach sa taighde agus sa nuálaíocht. Féadfaidh bonneagair den sórt sin a bheith 'suite ar shuíomh amháin', 'fíorúil nó dáilte';
- (7) Tá an bhrí chéanna le 'straitéis um speisialtóireacht chliste' agus atá le straitéis um speisialtóireacht chliste amhail a shainmhíneáil i bpointe (3) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ é.

Airteagal 3

Bunú Fís 2020

Bunaítear Fís 2020 leis seo i gcomhair na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020.

Airteagal 4

Breisluch Aontais

Déanfar le Fís 2020 breisluch agus tionchar an Aontais a uasmhéadú, ag díriú ar chuspóirí agus ar ghníomhaíochtaí

nach féidir leis na Ballstáit a bhaint amach go héifeachtúil ag gníomhú dóibh féin. Beidh ról lárnach ag Fís 2020 i le baint amach Straitéis Eoraip 2020 maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a bhaint amach ("Straitéis Eoraip 2020") trí chomhchreat straitéiseach a chur ar fáil le haghaidh chistiú taighde agus nuálaíochta ar chaighdeán feabhais an Aontais, agus ar an gcaoi sin gníomhóidh sé mar bhealach chun infheistíocht phríobháideach agus phoiblí a ghíaráil, cruthófar deiseanna poist nua mar thoradh air agus áiríteofar inbhuanaitheacht, fás, forbairt eacnamaíoch, cuimsiú sóisialta agus iomaíochas tionsclaíoch ar bhonn fadtéarmach ar fud na hEorpa, mar aon le díriú ar dhúshlán shochoíochta ar fud an Aontais.

Airteagal 5

Cuspóir ginearálta, tosaíochtaí agus cuspóirí sonracha

1. Is é cuspóir ginearálta Fís 2020 rannchuidiú le sochaí agus gilleagar a thógáil a bheidh bunaithe ar an eolas agus ar an nuálaíocht a thógáil ar fud an Aontais trí chistiú breise a luamhánúle haghaidh na taighde, na forbartha agus na nuálaíochta agus trí chabhrú spriocanna taighde agus forbartha a bhaint amach, lena n-áirítear sprioc 3% OTI don taighde agus don fhorbairt ar fud an Aontais faoi 2020. Dá réir sin, tacóidh Fís 2020 leis an Straitéis Eoraip 2020 agus le beartais eile an Aontais a chur chun feidhme, chomh maith le Limistéar Eorpach Taighde a bhaint amach agus a fheidhmiú. Leagtar amach i réamhrá larscríbhinn I an chéad sraith de tháscairí feidhmíochta ábhartha chun dul chun cinn i dtreoí an chuspóir ghinearálta a mheas.

2. Rachfar i mbun an chuspóra ginearálta aleagtar amach i mír 1 trí bhithin trí thosaíocht atreisiú fhrithpháirteacha a bheidh tiomanta do na nithe seo a leanas:

- (a) Eolaíocht den scoth;
- (b) Ceannaireacht thionsclaíoch;
- (c) Dúshlán shochoíochta.

Leagtar amach na cuspóirí sonracha a chomhfhreagraíonn do gach ceann de na trí thosaíocht a leagtar amach sa chéad fhómhír i gCuid I go Cuid III d'Íarscríbhinn I, mar aon le treoirlínte do na gníomhaíochtaí.

3. Déanfar an cuspóir ghinearálta atá leagtha amach i mír 1 a shaothrú trí nacuspóirí sonracha 'Barr feabhas a leathnú agus rannpháirtíocht a ardú' agus "Eolaíocht i gcomhar leis an tsochaí agus le haghaidh na sochaí" a leagtar amach i gCuid IIIa agus IIIb d'Íarscríbhinn I, faoi seach.

4. Rannchuideoidh ACT leis an gcuspóir ginearálta agus leis na tosaíochtaí a leagtar amach i mír 1 agus i mír 2, faoi seach, trí thacaíocht eolaíochta agus theicniúil a sholáthar do bheartais an Aontais i gcomhar le geallsealbhoirí taighde náisiúnta agus réigiúnacha, de réir mar is iomchuí, mar shampla maidir le straitéisí um speisialtóireacht chliste a fhorbairt. Leagtar amach an cuspóir sonracha agus na treoirlínte do na gníomhaíochtaí i gCuid VI d'Íarscríbhinn I.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCoiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (Féach leathanach 320 den Iris Oifigiúil seo).

5. Rannchuideoidh an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) leis an gcuspóir ginearálta agus leis na tosaíochtaí a leagtar amach i mír 1 agus i mír 2 faoi seach, agus beidh sé de chuspóir sonracha aici triantán an eolais – an taighde, an nuálaíocht agus an t-ardoideachas – a chomhtháthú. Leagtar amach táscairí feidhmíochta ábhartha na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht I i réamhrá larscríbhinn I agus leagtar amach treoirlínte don chuspóir sonracha sin agus do na gníomhaíochtaí i gCuid VII d'larscríbhinn I.

6. Faoi chuimsiú na dtosaíochtaí, na gcuspóirí sonracha agus na dtreoirlínte dá dtagraítear i mír 2 agus mír 3, d'fhéadfaí aird a thabhairt ar riachtanais nua gan choinne a thiocfaidh chun cinn le linn thréimhse cur chun feidhme Fís 2020. Má tá bonn cirt cuí leo, féadfar a áireamh sa mhéid sin freagairtí ar dheiseanna, ar ghéarchéimeanna agus freagairtí ar bhagairtí a thiocfaidh chun cinn, ar riachtanais a bhaineann le beartais nua an Aontais a fhorbairt.

Airteagal 6

Buiséad

1. Déantar an t-imchlúdach airgeadais chun Fís 2020 a chur chun feidhme a shocrú mar EUR 770 283 milliún i bpraghsanna reatha, agus as sin déanfar EUR 743 169 milliún ar a mhéid a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí faoi Theideal XIX CFAE.

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na leithreasuithe bliantúla a údarú laistigh de theorainneacha an chreata airgeadais ilbhliantúil.

2. Déanfar an méid le haghaidh gníomhaíochtaí faoi Theideal XIX CFAE a dháileadh i measc na dtosaíochtaí a leagtar amach Airteagal 5(2) den Rialachán seo mar a leanas:

- (a) Eolaíocht den scoth - EUR 244 411 milliún i bpraghsanna reatha;
- (b) Ceannaireacht thionsclaíoch - EUR 170 155 milliún i bpraghsanna reatha;
- (c) Dúshláin shochoaíochta - EUR 29 679 milliún i bpraghsanna reatha;

Is mar a leanas a bheidh an t-uasmhéid foriomlán le haghaidh ranníocaíocht airgeadais an Aontais ó Fís 2020 leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 5(3) agus le gníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha ACT.

- (i) Barr feabhas a leathnú agus rannpháirtíocht a ardú, 8 165 milliún i bpraghsanna reatha;
- (ii) Cuid IIIb 'Eolaíocht i gcomhar leis an tsochaí agus le haghaidh na sochaí, 4 622 milliún i bpraghsanna reatha;
- (iii) Cuid IV - Gníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha ACT, 19 026 milliún i bpraghsanna reatha;

Déantar an miondealú tascach i gcomhair na dtosaíochtaí agus na gcuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 5(2) agus in Airteagal 5(3) a leagan amach in larscríbhinn II.an.

3. Déanfar an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht a mhaoiniú trí bhíthin ranníocaíochta uasta ó Fhís 2020 dar luach 27 114 milliún i bpraghsanna reatha mar a leagtar amach in larscríbhinn II.

4. Féadfaidh imchlúdach airgeadais Fhís 2020 na costais seo a leanas a chumhdach: costais a bhaineann le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta a mbeidh gá leo chun Fís 2020 a bhainistiú agus a chuspóirí a bhaint amach, go háirithe staidéir agus cruinnithe saineolaithe, a mhéid a bhainfidh siad le cuspóirí Fís 2020, costais a bhainfidh le líonraí teicneolaíochta faisnéise lena ndíreofar ar phróiseáil agus ar mhalartú faisnéise, mar aon le costais cúnamh riaracháin agus theicniúil eile a thabhoídh an Coimisiún chun Fís 2020 a bhainistiú.

Más gá agus má tá bonn cirt cuí leis, féadfar leithreasáí a iontráil i mbuiséad Fís 2020 i ndiaidh 2020 d'fhonn costais cúnamh riaracháin agus theicniúil a chumhdach, ionas go mbeifear in ann na gníomhaíochtaí nach mbeidh curtha i gcrích faoin 31 Nollaig 2020 a bhainistiú. Ní mhaoineofar le Fís 2020 tógáil nó oibriú clár Galileo, clár Copernicus nó an Comhghnóthas Eorpach d'ITER.

5. D'fhonn freagairt do chásanna gan choinne nó do riachtanais agus d'fhorbairtí nua, féadfaidh an Coimisiún, tar éis na meastóireachta eatramhaí ar Fhís 2020 dá dtagraítear in Airteagal 32(3) agus torthaí an athbhreithnithe ar EIT dá dtagraítear in Airteagal 32(2) é, laistigh den nós imeachta buiséadach bliantúil, athbhreithniú a dhéanamh ar na méideanna a leagtar amach i gcomhair na dtosaíochtaí agus na gcuspóirí sonracha 'Barr feabhas a leathnú agus rannpháirtíocht a ardú' agus 'Eolaíocht i gcomhar leis an tsochaí agus le haghaidh na sochaí' i mír 2 den Airteagal seo agus ar an miondealú tascach de réir cuspóirí sonracha faoi chuimsiú na dtosaíochtaí sin a leagtar amach in larscríbhinn II agus an ranníocaíocht le EIT i mír 3 den Airteagal seo. Féadfaidh an Coimisiún, sna dálaí céanna, leithreasáí a aistriú idir na tosaíochtaí agus na cuspóirí sonracha chomh maith le EIT suas le huasmhéid 7,5 % den leithdháileadh tosaigh iomlán i gcomhair gach tosaíochta agus na gcuspóirí sonracha 'Barr feabhas a leathnú agus rannpháirtíocht a ardú' agus 'Eolaíocht i gcomhar leis an tsochaí agus le haghaidh na sochaí' agus suas le 7,5 % den mhiondealú tascach tosaigh i leith gach cuspóra shonraigh agus suas le huasmhéid 7,5 % den ranníocaíocht le EIT. Ní cheadófar aon aistriú den sórt sin maidir leis an méid a leagtar amach i mír 2 den mhír seo le haghaidh gníomhaíochtaí díreacha an ACT.

Airteagal 7

Comhlachú tríú tíortha

1. Féadfaidh na páirtithe seo a leanas comhlachú le Fís 2020:

- (a) tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha, i gcomhréir leis na príonsabail ghinearálta agus leis na téarmaí agus coinníollacha ginearálta maidir le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gclár an Aontais arna mbunú sna comhaontuithe réime faoi seach, sna cinntí ó chomhairlí comhlachais nó i gcomhaontuithe dá samhail;

(b) comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE), nó tíortha nó críocha arna gcumhdach le Beartas Comharsanachta na hEorpa chomhlíonann na critéir uile seo a leanas:

- (i) tá inniúlacht mhaith eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta acu;
- (ii) tá cuntas teiste maith acu maidir le rannpháirtíocht i gclár taighde agus nuálaíochta an Aontais;
- (iii) caitheann siad ar bhealach cóir agus cothrom le cearta maoine intleachtúla.

(c) tíortha nó críocha atá comhlachaithe leis an Seachtú Clár Réime.

2. Déanfar téarmaí agus coinníollacha sonracha maidir le rannpháirtíocht tíortha comhlachaithe i bhFís 2020, lena n-áirítear an ranníocaíocht airgeadais bunaithe ar OTI na tíre comhlachaithe a chinneadh trí bhíthin comhaontuithe idirnáisiúnta idir an tAontas agus na tíortha comhlachaithe.

Beidh na téarmaí agus na coinníollacha maidir le comhlachas Stáit CSTE ar páirtithe iad sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe sin.

TEIDEAL II

CUR CHUN FEIDHME

CAIBIDIL I

Cur chun feidhme, bainistiú agus cineálacha tacaíochta

Airteagal 8

Cur chun feidhme trí bhíthin clár shonraigh agus na ranníocaíochta le EIT

Cuirfear Fís 2020 chun feidhme tríd an gclár comhdhlúite sonracha arna bhunú le Cinneadh 2013/743/AE ón gComhairle⁽¹⁾, ina sonrú na cuspóirí agus na rialacha mionsonraithe le haghaidh cur chun feidhme, agus trí ranníocaíocht airgeadais do IET.

Sa chlár sonracha sin, leagfar amach Cuid amháin le haghaidh gach ceann de na trí thosaíocht a leagtar amach in Airteagal 5(2), Cuid do gach ceann de na cuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 5(3) agus Cuid le haghaidh ghníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha ACT.

Beidh comhordú éifeachtach idir trí tosaíochtaí Fís 2020.

⁽¹⁾ Cinneadh 2013/743/AE ón gComhairle lena mbunaítear an clár sonracha lena gcuirtear chun feidhme Fís 2020 - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Cinní 2006/971/CE, 2006/972/CE, 2006/973/CE, 2006/974/CE and 2006/975/CE (Féach leathanach 965 den Iris Oifigiúil seo).

Airteagal 9

Bainistiú

1. Cuirfidh an Coimisiún Fís 2020 chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.

2. Féadfaidh an Coimisiún cuid de chur chun feidhme Fís 2020 a chur ar iontaoibh na gcomhlachtaí cistiúcháin dá dtagraítear i bpointe (c) d' 58(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.

Airteagal 10

Cineálacha tacaíochta ón Aontas

1. Tacóidh Fís 2020 le gníomhaíochtaí indíreacha trí chineál amháin cistiúcháin nó níos mó dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 go háirithe deontais, duaiseanna, soláthar agus ionstraimí airgeadais. Beidh ionstraimí airgeadais mar chineál príomha cistiúcháin do ghníomhaíochtaí gar don mhargadh, a dtugtar tacaíocht dóibh faoi Fhís 2020.

2. Tacóidh Fís 2020 le gníomhaíochtaí díreacha a dhéanfaidh ACT chomh maith.

3. I gcás ina rannchuideofar leis na gníomhaíochtaí díreacha a dhéanfaidh ACT le tionscnaimh a bhunaítear faoi Airteagal 185 nó faoi Airteagal 187 CFAE, ní ghlacfar leis an rannchuidiú sin mar chuid den ranníocaíocht airgeadais a leithdháiltear do na tionscnaimh sin.

Airteagal 11

Rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh na dtorthaí

Beidh feidhm ag na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh na dtorthaí a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾ maidir le gníomhaíochtaí indíreacha.

CAIBIDIL II

Clárú

Roinn I

Prionsabail ghinearálta

Airteagal 12

Comhairle sheachtrach agus rannpháirtíocht shochoíoch

1. Chun Fís 2020 a chur chun feidhme, cuirfear san áireamh comhairle agus ionchur a sholáthróidh na comhlachtaí seo a leanas: grúpaí neamhspleácha comhairleacha ina mbeidh saineoilithe ar ardleibhéal a bhunaigh an Coimisiún, ó réimse leathan geallsealbhóirí, lena n-áirítear taighde, tionscal agus an tsochaí shibhialta leis na peirspictíochtaí riachtanacha idirdhisciplíneacha agus trasearnálacha a chur ar fáil, agus na tionscnaimh ábhartha atá ann ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta

⁽²⁾ Rialachán (AE) (Uimh. 1290/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus le leathadh in 'Fís 2020 - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020)' agus ag aisghairm Rialachán (CE) Uimh 1906/2006 (Féach leathanach 81 den Iris Oifigiúil seo).

agus ar an leibhéal réigiúnach á gcur san áireamh. Cuirfear ionchur eile ar fáil ó struchtúir idirphlé a chruthaítear faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta eolaíochta agus teicneolaíochta; ó ghníomhaíochtaí forásacha; ó chomhairliúcháin phoiblí spriodhíthe lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, comhairliúcháin le húdaráis nó le geallsealbhóirí náisiúnta agus réigiúnacha; agus ó phróisis thrédhearcacha agus idirghníomhacha lena n-áirítear go dtacófar le taighde freagrach agus nuálaíocht fhreagrach.

Déanfar comhairle i dtaca le tosaíochtaí straitéiseacha a aithint agus a dhearadh ón gCoiste um an Limistéar Eorpach Taighde agus Nuálaíochta, ón nGrúpa um Beartas Fiontraíochta agus ó ghrúpaí eile a bhaineann leis an nGrúpa Beartais Taighde a chur san áireamh freisin, i gcás inarb iomchuí.

2. Tabharfar aird iomlán ar ghnéithe ábhartha na gclár oibre um thaighde agus nuálaíocht a bhunaítear, inter alia, le EIT, leis na Cláir Oibre Eorpacha Teicneolaíochta agus leis Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta Eorpacha, chomh maith le comhairle ó phainéil eolaíoch, amháil an Painéal Eolaíoch le haghaidh Sláinte.

Airteagal 13

Sineirgí le cláir náisiúnta agus comhchlárúchán

1. I gcomhair chur chun feidhme Fís 2020, cuirfear san áireamh an gá a bheidh le sineirgí iomchuí agus comhlántachtaí a chruthú idir cláir thaighde agus tionscnaimh náisiúnta agus Eorpacha, mar shampla i réimsí ina ndéanfar iarrachtaí maidir le comhordú trí Chomhthionscnaimh Chlárúcháin.

2. Féadfar tacaíocht Aontais a bhreithniú mar aon le haon tacaíocht eile atá le tabhairt do Chomhthionscnaimh Chlárúcháin trí na hionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 26, faoi réir na gcoinníollacha agus na gcritéar a leagtar síos le haghaidh na n-ionstraimí sin.

Airteagal 14

Saincheisteanna trasnaí

1. Cuirfear naisc agus comhéadain chun feidhme ar fud thosaíochtaí Fís 2020 agus faoina gcuimsiú. Maidir leis sin, tabharfar aird faoi leith ar na nithe seo a leanas:

- (a) ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm príomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíochta chomh maith le teicneolaíochtaí sa todhchaí agus teicneolaíochtaí a bheidh ag teacht chun cinn;
- (b) agus ar réimsí a bhainfidh le nascadh ó fhionnachtain go dtí cur i bhfeidhm sa mhargadh;
- (c) ar thaighde agus nuálaíocht a bheidh idirdhisciplíneach agus trasearnálach;
- (d) ar dhaonnachtaí agus eolaíochtaí sóisialta agus eacnamaíochta;

- (e) ar athrú aeráide agus ar fhorbairt inbhuanaithe;
- (f) ar fheidhmiú agus ar bhaint amach an (LET) agus an tionscnaimh shuaitheanta Aontas Nuálaíochta a chothú;
- (g) ar dhálaí creata a thacóidh leis an Aontas Nuálaíochta;
- (h) ar chabhair a thabhairt do thionscnaimh shuaitheanta ábhartha Eoraip 2020 uile (lena n-áirítear an Clár Oibre Digiteach don Eoraip);
- (i) ar rannpháirtíocht níos leithne ar fud an Aontais ó thaobh taighde agus nuálaíochta de agus ar chabhrú le deireadh a chur leis an deighilt idir an taighde agus an nuálaíocht san Eoraip;
- (j) ar líonraí idirnáisiúnta taighdeoirí agus nuálaithe sármhaithe amháil an Comhar Eorpach san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht (COST);
- (k) ar chomhar le tríú tíortha;
- (l) ar nuálaíocht fhreagrach agus taighde freagrach lena n-áirítear inscne;
- (m) ar rannpháirtíocht FBManna agus na hearnála príobháidí go ginearálta;
- (n) ar tharraingteacht na gairme taighde a fheabhsú;
- (o) ar shoghluasteacht thrasteorann agus thrasearnála taighdeoirí a éascú.

2. I gcás ina dtacaítear le gníomhaíocht indíreach a bhfuil baint mhór aici le roinnt de na tosaíochtaí sonracha nó na cuspóirí sonracha dá dtagraítear ' in Airteagal 5(2) agus (2a), féadfar an tsuim airgeadais don ghníomhaíocht sin a chomhthiomsú ó na suimeanna a leithdháilfear ar gach tosaíocht nó ar gach cuspóir sonracha lena mbaineann.

Airteagal 15

Cineál athraitheach na heolaíochta, na teicneolaíochta, na nuálaíochta, na ngeilleagar agus na sochaí

Cuirfear Fís 2020 chun feidhme ar bhealach ina n-áirítear go mbeidh na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí a dtacófar leo ábhartha do riachtanais athraitheacha agus ina ndéanfar cineál athraitheach na heolaíochta, na teicneolaíochta, na nuálaíochta, na ngeilleagar agus na sochaí i ndomhan domhandaithe a chur san áireamh, i gcás ina gcuimseofar gnéithe gnó, eagraíochta, teicniúla, sochaíochta agus comhshaoil leis an nuálaíocht. Cuirfear an chomhairle sheachtrach dá dtagraítear in Airteagal 12 san áireamh sna tograí maidir le hathruithe a dhéanfar ar na tosaíochtaí agus ar na gníomhaíochtaí faoi Fhís 2020, chomh maith leis na moltaí ón meastóireacht eatramhach dá dtagraítear in Airteagal 32(3).

*Airteagal 16***Comhionannas inscne**

Áiríteofar le Fís 2020 go gcuirfear comhionannas inscne agus gné na hinscne chun cinn go héifeachtach in inneachar na taighde agus na nuálaíochta. Ba cheart aird faoi leith a dhíriú ar chomhionannas inscne a áirithiú, faoi réir an cháis i réimse an taighde agus na nuálaíochata lena mbaineann, i bpainéil mheastóireachta agus i gcomhlachtaí amhail grúpaí comhairleacha agus sainghrúpaí.

Déanfar an ghné inscne a chomhtháthú ar bhealach leordhóthanach in inneachar taighde agus nuálaíochta na straitéisí, na glár agus na dtionscadal agus cloífead leis ag gach céim den timthriall taighde.

*Airteagal 17***Gairmréimeanna taighdeoirí**

Cuirfear Fís 2020 chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013, rud a chuirfidh ar an gcaoi sin le hatreisiú an chómhargaidh do thaighdeoirí agus le tarraingteacht ghairmréim an taighdeora ar fud an Aontais i gcomhthéacs LET lena gcuirfear san áireamh gné thrasnáisiúnta an chuid is mó de na gníomhaíochtaí a dtacófar leo faoi.

*Airteagal 18***Rochtain oscailte**

1. Áiríteofar rochtain oscailte ar fhoilseacháin eolaíochta a bheidh mar thoradh ar thaighde a mhaoiníofar go poiblí faoi Fhís 2020 Cuirfear an méid sin i bhfeidhm i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013.

2. Déanfar rochtain oscailte ar shonraí taighde a bheidh mar thoradh ar thaighde a mhaoiníofar go poiblí faoi Fís 2020 a chur chun cinn. Cuirfear an méid sin i bhfeidhm i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013.

*Airteagal 19***Prionsabail eiticiúla**

1. Beidh na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta go léir a dhéanfar faoi Fís 2020 i gcomhréir le prionsabail eiticiúla agus leis an reachtaíocht ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta agus le reachtaíocht ábhartha an Aontais, lena n-áirítear an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus a Phrótacail Fhorlíontacha.

Tabharfar aird faoi leith ar phrionsabal na comhréireachta, ar an gceart chun príobháideachta, ar an gceart chun sonraí pearsanta a chosaint, ar cheart an duine chun sláine fisicí agus intinne, ar an gceart chun neamh-idirdhealaithe agus ar an ngá le leibhéil arda chosanta ar shláinte an duine a áirithiú.

2. Díreofar na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a dhéanfar faoi Fhís 2020 ar iarratais shibhialta go heisiach.

3. Ní chuirfear maoiniú ar fáil i gcomhair na réimsí taighde seo a leanas:

(a) gníomhaíocht taighde a cheapfar chun daoine a chlónáil chun críocha atáirgthe;

(b) gníomhaíocht taighde cheapfar chun oidhreacht ghéiniteach daoine a athrú ar bhealach go bhféadfadh na hathruithe sin bheith inoidhreachta ⁽¹⁾;

(c) gníomhaíochtaí taighde a cheapfar chun suthanna daonna a chruthú leo ar mhaithe le taighde amháin nó d'fhonn gaschealla a sholáthar, lena n-áirítear trí aistriú núicléas cille sómaí.

4. D'fhéadfaí maoiniú a sholáthar le haghaidh taighde ar ghaschealla daonna, daoine fásta agus suthach araon, ag brath ar inneachar an togra eolaíochta agus ar chreat dlí an Bhallstáit lena mbaineann. Ní dheonófar aon chistiú le haghaidh gníomhaíochtaí taighde a bhfuil toirmeasc orthu sna Ballstáit uile. Ní dhéanfar cistiú le haghaidh aon ghníomhaíocht i mBallstát ina mbeidh gníomhaíocht den chineál sin toirmiscthe.

5. D'fhéadfaí na réimsí taighde a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo a athbhreithniú laistigh de chomhthéacs na meastóireachta eatarmaí a leagtar amach in Airteagal 32(3) i bhfianaise dhul chun cinn na heolaíochta.

*Airteagal 20***Comhlántacht le cláir eile de chuid an Aontais**

Cuirfear Fís 2020 chun feidhme ar bhealach a bheidh comhlántach le cláir chistiúcháin agus beartais chistiúcháin eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear na Cistí Eorpacha Struchtúracha agus Infheistiúchta (Cistí CESI), an Comhbheartas Talmhaíochta, an Clár le haghaidh Iomaíochas Fiontar agus fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide(COSME) (2014-2020), Clár "Erasmus+" agus Clár Life.

*Airteagal 21***Sineirgí le cistí CES**

Chomh maith le beartais struchtúracha Aontais, náisiúnta agus réigiúnacha, rannchuideofar le Fís 2020 freisin le deireadh a chur leis an mbearna taighde agus nuálaíochta san Aontas trí shineirgí le Cistí CES a chur chun cinn. Nuair is féidir, féadfar leas a bhaint as cistiú carnach mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 é.

⁽¹⁾ Féadtar taighde a bhaineann leis an gcóireáil i gcás ailse na ngónad a mhaoiniú.

Roinn II

Airteagal 25

Réimsí sonracha gníomhaíochta*Airteagal 22***Fiontair bheaga agus mheánmhéide**

1. Tabharfar aird faoi leith ar rannpháirtíocht leormhaith fiontar beag agus meánmhéide (FBManna) a áirithiú agus Fís 2020 á cur chun feidhme, agus ar an tionchar a bheidh ag an taighde agus an nuálaíocht ar na fiontair bheaga agus mheánmhéide sin. Déanfar measúnuithe cainníochtúla agus cáilíochtúla ar rannpháirtíocht FBManna mar chuid de na socrúithe meastóireachta agus faireacháin.

2. Anuas ar choinníollacha níos fearr a bhunú le go mbeidh na FBManna páirteach sna deiseanna ábhartha uile faoi Fhís 2020, déanfar bearta sonracha a ghlacadh. Go háirithe, déanfar ionstraim thiomnaithe FBM lena ndíreofar ar gach cineál FBM agus lena ngabhfaidh acmhainneacht nuálaíochta, sa chiall is leithne, a chruthú faoi chóras bainistithe aonair lárnach agus cuirfear chun feidhme í go príomha ón mbun aníos trí iarraidh leanúnach, oscailte a bheidh dírithe ar riachtanais FBManna mar a leagtar amach faoin gcuspóir sonracha "Nuálaíocht i bhFiontair Bheagmhéide agus Mheánmhéide" i bPointe 3.3.(a) de Chuid II d'Iarscríbhinn I iad. Cuirfear san áireamh san ionstraim sin cuspóir sonracha "Ceannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíochta" a leagtar amach i bPointe 1 de Chuid II d'Iarscríbhinn I agus gach ceann de na cuspóirí sonracha faoin tosaíocht "Dúshlán shochoaíochta" a leagtar amach i bPointe 1 go Pointe 7 de Chuid III d'Iarscríbhinn I agus a chuirfear chun feidhme ar bhealach comhsheasmhach.

3. Ba cheart go dtabharfaí íosmhéid 20 % den bhuiséad comhcheangailte iomlán le haghaidh an chuspóra shonraigh maidir le "Ceannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíochta" agus le haghaidh na tosaíochta "Dúshlán shochoaíochta" do FBManna mar thoradh ar an gcur chuige comhtháite a leagtar amach i mír 1 agus i mír 2 agus ar shimpliú na nósanna imeachta.

4. Díreofar aird faoi leith ar ionadaíocht leordhóthanach a dhéanamh ar FBManna i gcomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha dá dtagraítear in Airteagal 25.

*Airteagal 23***Tionscadail chomhoibrítheacha agus cláir chomhpháirtíochta**

Ba cheart go ndéanfaí Fís 2020 a chur chun feidhme go príomha trí thionscadail chomhoibrítheacha thrasnáisiúnta, a bhainfear amach trí ghlaonna ar thograí i gcláir oibre Fhís 2020 arna bhunú le Treoir 2013/743/AE. Déanfar tionscadail den sórt sin a mhaoiniú trí chomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha agus poiblí-poiblí. Déanfar na comhpháirtíochtaí sin a dhearadh le rannchuidiú na mBallstát agus leagfar síos iontu prionsabail maidir lena mbainistíú inmheánach.

*Airteagal 24***Conair Mhear i dtreo na Nuálaíochta**

Déanfar an Chonair Mhear i dtreo na Nuálaíochta (CMN) a chur chun feidhme i bhfoirm lán phiólóta i gcomhréir le hAirteagal 54 de Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 lena mbunófar glao FTI, a gcuirfear tús léi in 2015.

Comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha

1. Féadfar Fís 2020 a chur chun feidhme trí bhithin comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha i gcás ina ngeallfaidh na comhpháirtithe go léir lena mbaineann go dtacóidh siad le forbairt agus cur chun feidhme taighde réamhiomaíoch agus gníomhaíochtaí nuálaíochta de thábhacht straitéiseach d'íomaíochas agus do cheannaireacht thionsclaíoch an Aontais nó chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán shochoaíochta shonracha. Cuirfear comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha chun feidhme ar bhealach nach gcuirfear isteach leo ar rannpháirtíocht iomlán na n-imreoirí Eorpacha is fearr.

2. Bainfidh rannpháirtíocht an Aontais sna comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha úsáid as na struchtúir atá ann cheana agus as na struchtúir a bhaineann le rialachas éadrom agus féadfaidh sé tarlú i gcomhréir le ceann de na cineálacha seo a leanas:

- ranníocaíochtaí airgeadais ón Aontas le comhghnóthais a bhunaítear de bhun Airteagal 187 CFAE faoin Seachtú Clár Réime, faoi réir an leasaithe ar a gcuid gníomhartha bunúsacha; le comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha nua a bhunaítear de bhun Airteagal 187 CFAE; agus le comhlachtaí cistiúcháin eile dá dtagraítear i bpointe (iv), agus i bpointe (vi) de phointe (c) d'Airteagal 58(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012. Ní chuirfear an cineál sin comhpháirtíochtaí chun feidhme ach amháin i gcás ina mbeidh bonn cirt léi de bharr raon feidhme na gcuspóirí a dtabharfar fúthu agus scála na n-acmhainní a bheidh riachtanach agus na measúnaithe ábhartha tionchair á gcur san áireamh, agus i gcás nach gcomhlíonadh na cineálacha eile comhpháirtíochta na gcuspóirí nó nach ginfi an gearáil riachtanach leo;
- socrúithe conarthacha idir na comhpháirtithe dá dtagraítear i mír 1, ar socrúithe iad ina sonrú cuspóirí na comhpháirtíochta, ceangaltais faoi seach na gcomhpháirtithe, príomhtháscairí feidhmíochta, agus na haschuir a bheidh le soláthar, lena n-áirítear gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a shainaithear a mbeidh tacaíocht ó Fhís 2020 ag teastáil uathu.

Chun go mbeidh na páirtithe leasmhara rannpháirteach, lena n-áirítear, mar is iomchuí, úsáideoirí deiridh, ollscoileanna, FBManna agus institiúidí taighde, tabharfaidh comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha rochtain ar chistí poiblí trí phróisis thrédhearcacha agus go príomha trí ghlaonna íomaíochta, arna rialú le rialacha maidir le rannpháirtíocht a bheidh i gcomhréir le rialacha Fís 2020. Ba cheart go mbeadh bonn cirt cuí le heisceachtaí ar úsáid glaonna íomaíochta.

3. Sainithneofar comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha agus déanfar iad a chur chun feidhme ar bhealach oscailte, thrédhearcach agus éifeachtúil. Bunófar sainithint na gcomhpháirtithe sin ar na critéir a leanas:

- léiriú bhreisluach na gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais agus an rogha ionstraim a úsáidfear;
- scála an tionchair ar íomaíochas tionsclaíoch, cruthú post, fás inbhuanaithe agus saincheistanna socheacnamaíochta, lena n-áirítear dúshlán shochoaíochta, a ndéanfar iad a mheas in aghaidh cuspóirí intomhaiste a shonrófar ar bhealach soiléir;

- (c) an gealltanais fadtéarmach, lena n-áirítear rannchuidiú cothrom ó na comhpháirtithe go léir bunaithe ar chomhfhís agus ar chuspóirí a shaineofar go soiléir;
- (d) scála na n-acmhainní lena mbaineann agus an cumas infheistíochtaí breise sa taighde agus sa nuálaíocht a ghairáil;
- (e) sainiú soiléir ar ról gach comhpháirtí agus príomhtháscairí feidhmíochta comhaontaithe thar an tréimhse roghnaithe.
- (f) comhlántacht le codanna eile Fhís 2020 agus ailíniú le tosaíochtaí straitéiseacha taighde agus nuálaíochta an Aontais, go háirithe le tosaíochtaí straitéis Eoraip 2020;

I gcás inarb iomchuí, áiríteofar comhlántacht idir tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí agus rannpháirtíocht na mBallstát i gcás comhpháirtíochtaí príobháideacha-poiblí.

4. Féadfar na tosaíochtaí taighde a chumhdófar le comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha a áireamh, i gcás inarb iomchuí, in nglonna rialta i gclár oibre Fís 2020, d'fhonn sineirgí nua a fhorbairt le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a mbainfidh tábhacht straitéiseach leo.

Airteagal 26

Comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha

1. Rannchuideoidh Fís 2020 le comhpháirtíochtaí poiblí-poiblí a neartú, de réir mar is iomchuí, i gcásanna ina gcuirfeadh gníomhaíochtaí ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal idirnáisiúnta chun feidhme ar bhealach comhpháirteach laistigh den Aontas.

Tabharfar aird faoi leith ar Chomhthionscnaimh Phleanála idir na Ballstáit. Féadfaidh aon Bhallstát nó aon tír chomhlachaithe a bheith rannpháirteach sna Comhthionscnaimh Phleanála a mbeidh tacaíocht á fáil acu ó Fís 2020.

2. Féadfar tacú le comhpháirtíochtaí poiblí-poiblí faoi chuimsiú na dtosaíochtaí a leagtar amach in Airteagal 5(2), nó tharstu, go háirithe trí na bealaí seo a leanas:

- (a) ionstraim ERA-NET ina n-úsáidfeadh deontais chun tacú le comhpháirtíochtaí poiblí-poiblí ina n-ullmhúchán, struchtúir líonraithe a bhunú, ceapadh, cur chun feidhme agus comhordú comhghníomhaíochtaí, agus gan cur le níos mó ná comhghlao aonair amháin in aghaidh na bliana ag an Aontas agus gníomhartha de chineál trasnáisiúnta freisin;
- (b) rannpháirtíocht an Aontais i gclár a dhéanfaidh roinnt Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 185 CFAE i gcás ina mbeidh bonn cirt leis an rannpháirtíocht de bharr raon feidhme na gcuspóirí a shaothrófar agus scála na n-acmhainní a éileofar.

Chun críocha phointe (a) den chéad fhomhír, beidh cistiú breise coinníollach ar bhreisluach na gníomhaíochta a léiríú ar leibhéal an Aontais agus ar cheangaltais tháscacha airgeadais roimh ré, in airgead tirim nó i bhfoirm chomhchineáil, ó na heintitis rannpháirteacha sna glaonna comhpháirteacha agus sna gníomhaíochtaí comhpháirteacha. Féadfaidh ionstraim ERA-NET rialacha agus módúlachtaí cur chun feidhme na nglonna comhpháirteacha agus na ngníomhaíochtaí comhpháirteacha a chomhchuihbhiú a bheith mar cheann dá cuspóirí aici, i gcás inarb féidir. Féadfar í a úsáid freisin le hullmhú le haghaidh tionscnaimh de bhun Airteagal 185 CFAE.

Chun críocha phointe (b) den chéad fhomhír, ní mholfar tionscnaimh den sórt sin ach amháin i gcásanna ina mbeidh gá le struchtúr cur chun feidhme tiomnaithe agus ina mbeidh ardleibhéal tiomantais ó na tíortha rannpháirteacha do chomhtháthú ar leibhéal eolaíochta, bhainistíochta agus airgeadais. Ina theannta sin, aithneofar tograí maidir le tionscnaimh den sórt sin ar bhonn na gcrítear seo a leanas go léir:

- (a) sainiú soiléir ar an gcuspóir a bheidh le saothrú agus a ábharthacht do chuspóirí Fís 2020 agus do chuspóirí beartais níos leithne an Aontais;
- (b) ceangaltais airgeadais tháscacha na dtíortha rannpháirteacha, in airgead tirim nó i bhfoirm chomhchineáil, lena n-áirítear réamhcheangaltais chun infheistíochtaí náisiúnta agus/nó réigiúnacha a ailíniú le haghaidh taighde agus nuálaíochta trasnáisiúnta agus, i gcás inarb iomchuí, chun acmhainní a chomhthiomsú;
- (c) breisluach na gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais;
- (d) an mhais chriticiúil, maidir le méid agus líon na gclár lena mbaineann, cosúlacht nó comhlántacht na ngníomhaíochtaí agus an scair de thaighde ábhartha a chumhdófar leo;
- (e) oiriúnacht Airteagal 185 CFAE chun na cuspóirí a bhaint amach.

Airteagal 27

Comhar idirnáisiúnta le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta

1. Beidh eintitis dhlíthiúla mar a shainmhínítear i bpointe 13 d'Airteagal 2(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 iad, a bheidh bunaithe i dtríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, incháilithe chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí indíreacha de chuid Fís 2020 faoi na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán sin. Déanfar an comhar idirnáisiúnta le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a chomhtháthú i Fís 2020 agus laistigh di freisin d'fhonn na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach go háirithe:

- (a) barr feabhas agus tarraingteacht an Aontais í i gcúrsaí taighde agus nuálaíochta chomh maith lena iomaíochas eacnamaíoch agus tionsclaíoch a neartú;

- (b) dul i ngleic ar bhealach éifeachtach leis na dúshláin shochoíocha chomhchoiteanna;
- (c) tacú le cuspóirí seachtracha an Aontais agus lena chuspóirí maidir le beartais forbartha, agus na cláir sheachtracha agus na cláir forbartha á gcomhlánú, lena n-áirítear oibleagáidí idirnáisiúnta agus na spriocanna gaolmhara a ghabhann leo, amhail Spriocanna Forbartha Mílaoise na Náisiún Aontaithe a bhaint amach. Déanfar iarracht teacht ar shineirgí le beartais eile an Aontais.

2. Is ar bhonn cur chuige straitéisigh mar aon le comhleasa, tosaíochtaí agus comhshochair a chuirfear chun feidhme na spriocghníomhaíochtaí arb éard is cuspóir leo an comhar le tríú tíortha áirithe nó le grúpaí áirithe de thríú tíortha, lena n-áirítear comhpháirtithe straitéiseacha an Aontais, a chur chun cinn, agus cuirfear san áireamh a gcumas san eolaíocht agus sa teicneolaíocht agus a riachtanais sonracha, na deiseanna margaidh a ghabhann leo, agus an tionchar a measfar a bheidh ag na gníomhaíochtaí sin.

Ba cheart rochtain chómhalartach ar chláir sna tríú tíortha a spreagadh agus, i gcás inarb iomchuí, ba cheart faireachán a dhéanamh uirthi. D'fhonn an tionchar is fearr a bhaint as an comhar idirnáisiúnta, cuirfear chun cinn an comhordú agus sineirgí le tionscnaimh de chuid na mBallstát agus na dtíortha comhlachaithe. Féadfaidh cineál an chomhair a bheith éagsúil ag brath ar na tíortha comhpháirtíochta sonracha.

Cuirfidh tosaíochtaí comhair forbairtí i mbeartais an Aontais san áireamh chomh maith le deiseanna comhair le tríú tíortha, agus déileáil le cearta maoinne intleachtúla ar bhealach cóir agus cothromasach maidir le cearta maoinne intleachtúla.

3. Ina theannta sin, cuirfear chun feidhme gníomhaíochtaí cothrománacha agus gníomhaíochtaí trasnaí arb éard is aidhm leo forbairt straitéiseach ar an gcomhar idirnáisiúnta a chur chun cinn.

Airteagal 28

Faisnéis, cumarsáid, saothrú agus scaipeadh torthaí

Déanfaidh an Coimisiún gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide maidir le Fís 2020 a chur chun feidhme, lena n-áirítear bearta cumarsáide maidir le tionscadail agus le torthaí tacaithe. Go háirithe, cuirfear faisnéis chríochnaitheach thráthúil ar fáil do na Ballstáit.

Rannchuideoidh an chuid de bhuiséad Fhís 2020 a leithdháilfear ar an gcumarsáid freisin le cumarsáid chorparáideach a dhéanamh maidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, a mhéid is féidir a bhainfidh siad le cuspóir ginearálta an Rialacháin seo.

Beidh gníomhaíochtaí chun faisnéis a scaipeadh agus chun gníomhaíochtaí cumarsáide a dhéanamh ina gcuid rithábhachtach de gach ceann de na gníomhaíochtaí a dtacaítear leo faoi Fís 2020. Cuirfear faisnéis agus teachtaireachtaí a bhaineann le Fís 2020, lena n-áirítear faisnéis agus teachtaireachtaí faoi thionscadail a dtacófar leo, ar fáil ar bhealach inrochtana i bhfoirm dhigiteach.

Ina theannta sin, tacófar leis na gníomhaíochtaí sonracha seo:

- (a) tionscnaimh a dhéanfar ar an bpobal a chur ar an eolas maidir le cistiú a fháil faoi Fís 2020 agus rochtain ar an gcistiú sin a éascú, go háirithe i gcás na réigiún sin nó na gcineálacha sin rannpháirtithe a bhfuil rannpháirtíocht íseal acu i gcoibhneas le rannpháirtithe eile;
- (b) sainchúnaimh a thabhairt do thionscadail agus do chuibh-reannais chun rochtain leordhóthanach a thabhairt dóibh ar na scileanna is gá chun torthaí a chur in iúl, a shaothrú agus a scaipeadh ar an mbealach is fearr;
- (c) gníomhaíochtaí lena dtabharfar le chéile agus lena scaipfear torthaí ó raon tionscadal, lena n-áirítear iad siúd a d'fhéadfaí a chistiú ó fhoinisí eile, chun bunachair shonraí áisiúla agus tuarascálacha ina ndéanfar achoimre ar na torthaí is tábhachtaí a chur ar fáil, agus, i gcás inarb ábhartha, na torthaí a chur in iúl agus a scaipeadh don phobal eolaíoch, don tionscal eolaíoch agus don phobal i gcoitinne;
- (d) torthaí a scaipeadh do lucht ceaptha beartas, lena n-áirítear comhlachtaí um chaighdeánú, chun na comhlachtaí iomchuí a spreagadh úsáid a bhaint as na torthaí a bhainfidh le beartas ar an leibhéal idirnáisiúnta, ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus, ar an leibhéal réigiúnach;
- (e) tionscnaimh chun idirphlé agus díospóireacht leis an bpobal a chothú faoi chúrsaí eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta trí rannpháirtíocht an chomhphobail taighde agus nuálaíochta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus chun leas a bhaint as na meáin shóisialta agus as teicneolaíochtaí agus modheolaíochtaí eile atá nuálach, go háirithe chun cuidiú le feasacht a ardú i measc an phobail i leith na sochar a bhaineann le taighde agus nuálaíocht i dtaca le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin sochoíocha;

CAIBIDIL III

Rialú

Airteagal 29

Rialú agus iniúchóireacht

1. An córas rialaithe a bhunófar chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ceapfar é chun urrús réasúnach a thabhairt go ndéanfar laghdú dóthanach agus bainistíocht leormhaith ar na rioscaí a bhaineann le héifeacht agus le héifeachtúlacht na n-oibríochtaí, agus ar dhlíthiúlacht agus ar rialacht na n-idirbheart is bun leo freisin, agus cuirfear san áireamh gur ar bhonn ilbhliantúil a dhéanfar na cláir, chomh maith leis na cineálacha focaíochtaí lena mbaineann.

2. Áiríteofar leis an gcóras rialaithe go mbeidh cothro- maíocht iomchuí idir iontaobhas agus rialú, agus cuirfear san áireamh costais riaracháin agus costais eile ar gach leibhéal, go háirithe i gcás rannpháirtithe, ionas go mbainfear amach cuspóirí Fís 2020 agus go meallfar chuige na taighdeoirí is fearr agus na fiontair is nuálaí.

3. Mar chuid den chóras rialaithe, déanfar an straitéis iniúcháireachta le haghaidh caiteachais ar ghníomhaíochtaí indéreacha thar Fís 2020 ina hiomláine a bhunú ar iniúchadh airgeadais a dhéanfar ar shampla ionadaíoch den chaiteachas. Comhlánófar an sampla ionadaíoch sin le rogha a bhunófar ar mheasúnú ar na rioscaí a bhaineann leis an gcaiteachas.

Déanfar iniúchtaí ar an gcaiteachas ar ghníomhaíochtaí indéreacha faoi Fhís 2020 ar bhealach comhtháite agus i gcomhréir le prionsabail na barainneachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta d'fhonn ualach na hiniúcháireachta ar na rannpháirtithe a íoslághdú.

Airteagal 30

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

1. Déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí chun a áirithiú, nuair a chuirfear gníomhaíochtaí a mhaoineofar faoin Rialachán seo chun feidhme, go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais trí bhearta coiscitheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne na calaíse, an éillithe agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí mhéideanna a íocadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis riaracháin agus airgeadais a bheidh éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a chur i bhfeidhm.

2. Beidh cumhacht iniúcháireachta ag an gCoimisiún nó ag a ionadaithe agus ag an gCúirt Iniúcháirí, ar bhonn doiciméad agus seiceálacha ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, ar gach conraitheoir agus ar gach fochonraitheoir a fuair cistí de chuid an Aontais faoin gClár.

Gan dochar do mhír 3, féadfaidh an Coimisiún iniúchtaí a dhéanamh suas le dhá bhliain i ndiaidh fócaíocht na hiarmhéide.

3. Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) fiosrúcháin, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, a dhéanamh i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ agus le Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/1996 ón gComhairle⁽²⁾, d'fhonn a fháil amach an ndearnadh calaíse, éillíú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a rinne dífead do leasanna airgeadais an Aontais i dtaca le haon chomhaontú deontais de chuid Fís 2020, le haon chinneadh faoi dheontas nó le haon chonradh.

4. Gan dochar do mhír 1 ná do mhír 2 ná do mhír 3, beidh forálacha sna comhaontuithe comhair le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, sna comhaontuithe deontais, sna cinní faoi dheontas agus sna conarthaí, a eascróidh ón Rialachán seo a chur chun feidhme, lena dtabharfar an

chumhacht go sainráite don Choimisiún, don Chúirt Iniúcháirí agus do OLAF iniúchtaí agus fiosrúcháin den sórt sin a dhéanamh i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí faoi seach.

CAIBIDIL IV

Faireachán agus meastóireacht

Airteagal 31

Faireachán

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán go bliantúil ar chur chun feidhme Fís 2020, ar an gclár sonrath a ghabhfaidh léi agus ar ghníomhaíochtaí IET. Áireofar leis an bhfaireachán sin, ba cheart a bheith bunaithe ar fhianaise chainníochtúil agus, i gcás inarb iomchuí, ar fhianaise cháilíochtúil, faisnéis faoi ábhair thrasnaí amhail eolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí, inbhuanaitheacht agus an t-athrú aeráide, lena n-áirítear faisnéis faoin méid caiteachais a bhain le cúrsaí aeráide, faoi rannpháirtíocht FBManna, faoi rannpháirtíocht na hearnála príobháidí, faoi chomhionannas inscne, faoi rannpháirtíocht a leathnú agus faoi dhul chun cinn i gcoinne táscairí feidhmíochta. Áireofar thairis sin leis an bhfaireachán faisnéis faoin méid cistithe i gcomhair comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha agus comhpháirtíochtaí poiblí-poiblí, lena n-áirítear Comhthionscnaimh Phleanála Tabharfar faoin bhfaireachán ar chistiú na gcomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha, i gcás inarb iomchuí sin, i ndlúthchomhar leis na rannpháirtithe.

2. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar thorthaí an fhairéacháin sin agus cuirfidh sé na torthaí sin ar fáil don phobal.

Airteagal 32

Meastóireacht

1. Déanfar na meastóireachtaí ar bhealach sách tráthúil chun fónamh don phróiseas cinnteoireachta.

2. Faoin 31 Nollaig 2017, déanfaidh an Coimisiún, le cúnaimh ó shaineolaithe neamhspleacha, a roghnófar ar bhonn nós imeachta a bheidh trédhearcach, athbhreithniú ar EIT, ina gcuirfear san áireamh an measúnú dá bhforáiltear in Airteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 294/2008. Seolfar glaoch PEN in 2018 faoi réir thoradh dearfach an athbhreithnithe seo. Déanfaidh an t-athbhreithniú sin measúnú ar dhul chun cinn an EIT le hais na nithe seo a leanas:

(a) an leibhéal ídithe a dhéanfar ar chistí a leithdháileadh i gcomhréir le hAirteagal 6(3) den Rialachán seo agus a éifeachtúla a úsáidfeadh é, agus idirdhealú á dhéanamh idir an méid airgid a chaithefeadh le céad bhabhta PEN agus éifeacht an airgid shíl le haghaidh na gcéimeanna ina dhiaidh, agus cumas IET cistí a mhealladh ó na comhpháirtithe in PENanna agus ón earnáil phríobháideach go háirithe, faoi mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 294/2008;

(b) ranníocaíocht EIT agus PENanna leis an tosaíocht Dúshlán shochoaíochta a réiteach agus leis an tosaíocht shonrach "Ceannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíochta" agus an fheidhmíocht a ndearnadh measúnú uirthi ar bhonn na dtáscairí a shainítear in Iarscríbhinn I;

(c) an méid a chuirfidh EIT agus PENanna le hardoideachas, le taighde, agus le nuálaíocht a chomhtháthú;

⁽¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/1996 an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún d'fhonn leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaíse agus mírialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

(d) cumas na PENanna páirtithe ábhartha nua a imeascadh nuair is féidir leo breisluach a sholáthar.

3. Faoin 31 Nollaig 2017, agus tar éis a chur san áireamh an mheastóireacht *ex-post* ar an Seachtú Clár Réime a bheidh le críochnú faoin 31 Nollaig agus an t-athbhreithniú ar EIT, déanfaidh an Coimisiún, le cúnadh ó shaineolaithe neamhspleácha, a roghnófar ar bhonn próisis a bheidh trédhearcach, meastóireacht eatramhach ar Fís 2020, ar an gclár sonracha a ghabhfaidh léi, lena n-áirítear an Chomhairle Eorpach um Thaighde (CET), agus ar ghníomhaíochtaí EIT.

Leis an meastóireacht eatramhach, déanfar measúnú ar dhul chun cinn chodanna difriúla de Fís 2020 le hais na rudaí seo a leanas:

- (a) a mbeidh bainte amach (ar leibhéal na dtorthaí agus an dul chun cinn a bheidh déanta chun tionchar a bhaint amach, bunaithe, i gcás inarb infheidhme, ar na táscairí a ndéantar cur síos orthu in Iarscríbhinn II den chlár sonracha) i dtaca le cuspóirí Fís 2020 agus ábharthacht leanúnach na mbeart gaolmhar uile;
- (b) éifeachtúlacht agus úsáid na n-acmhainní, agus aird ar leith á tabhairt do shaincheisteanna trasnaí agus d'eilimintí eile dá dtagraítear in Airteagal 14(1); agus
- (c) breisluach an Aontais.

Mar chuid den mheastóireacht eatramhach, beidh na comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha atá ann cheana agus na comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha nua araon, lena n-áirítear na Comhthionscnaimh Theicneolaíochta, faoi réir measúnaithe dhomhain, lena n-áireofaí, inter alia, anailís ar a oscailte, a thrédhearcach agus a éifeachtaí a bheidh siad. Áireofar leis an measúnú sin an mheastóireacht a dhéanfar ar IET dá bhforáiltear in Airteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 294/2008 ionas go bhféadfaí measúnú a dhéanamh bunaithe ar phrionsabail choiteanna.

Mar chuid den mheastóireacht eatramhach, beidh CMN faoi réir measúnaithe dhomhain lena n-áireofar, inter alia, rannchuidiú le nuálaíocht, rannpháirtíocht tionscail, rannpháirtíocht iarratasóirí nua, éifeacht oibríochtúil agus maoiniú, agus gearáil infheistíochta príobháidí. Cinnfear CMN a chur chun feidhme tuilleadh ar bhonn thorthaí na meastóireachta, agus d'fhéadfaí a choigeartú nó a leathnú dá réir sin.

Cuirfear san áireamh sa mheastóireacht eatramhach gnéithe a bhaineann le scaipeadh agus saothrú thorthaí an taighde.

Cuirfear san áireamh sa mheastóireacht eatramhach sin freisin an tsolúbthacht a bheidh ann chun a thuilleadh simplithe a dhéanamh agus gnéithe a bhaineann le rochtain ar dheiseanna cistiúcháin ag rannpháirtithe i ngach réigiún, agus ag an earnáil phríobháideach, go háirithe ag FBManna, agus leis an raon feidhme chun an chothromaíocht inscne a chur chun cinn. Fairis sin, cuirfear san áireamh inti an méid a rannchuideoidh na bearta le cuspóirí Straitéis Eoraip 2020 a bhaint amach agus maidir leis na torthaí i leith tionchar fadtéarmach na mbeart

réamhtheachtach, agus méid na sineirge agus na hidirghníomhaíochta le cláir cistiúcháin eile an Aontais, lena n-áirítear Cistí ESI.

Mar chuid den mheastóireacht eatramhach, déanfar measúnú iomlán ar shamhail cistiúcháin Fís 2020 le hais na dtáscairí seo a leanas, inter alia:

- rannpháirtíocht na rannpháirtithe a mbeidh bonnegair thaighde ar ardleibhéal ar fáil dóibh nó a mbeidh sé de nós acu úsáid a bhaint as costáil ionsú sa Seachtú Clár Réime cheana;
- simpliú le haghaidh rannpháirtithe a mbeidh bonnegair thaighde ar ardleibhéal ar fáil dóibh nó a mbeidh sé de nós acu úsáid a bhaint as costáil ionsú sa Seachtú Clár Réime cheana;
- gnáthchleachtais chuntasaíochta tairbhíthe a ghlacadh;
- a mhéid a úsáidfean an luach saothair breise a fhaigheann pearsanra dá dtagraítear in Airteagal 27 de Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013.

Cuirfear san áireamh sa mheastóireacht eatramhach freisin, i gcás inarb iomchuí, faisnéis maidir le comhar le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a dhéanfaidh na Ballstáit, lena n-áirítear i limistéir ina mbeidh comhthionscnaimh phleanála.

4. Faoin 31 Nollaig 2023, déanfaidh an Coimisiún, le cúnadh ó shaineolaithe neamhspleácha, a roghnófar ar bhonn próisis a bheidh trédhearcach, meastóireacht *ex-post* ar Fhís 2020, ar an gclár sonracha a ghabhfaidh léi agus ar ghníomhaíochtaí IET. Cumhdófar leis an mheastóireacht sin an réasúnaíocht, an chaoi a gcuirfear chun feidhme í agus a mbeidh baint amach, chomh maith le tionchair fhadtéarmacha na mbeart agus a inbhuaine a bheidh siad, chun fónamh do chinneadh a dhéanamh maidir le haon bheart ina dhiaidh sin a athnuachan, a athrú nó a chur ar fionraí. Cuirfear san áireamh sa mheastóireacht gnéithe a bhaineann le leathadh agus saothrú thorthaí an taighde.

5. Trí bhithin na dtáscairí feidhmíochta le haghaidh na gcuspóirí ginearálta agus le haghaidh EIT, faoi mar a leagtar amach sa réamhrá d'Iarscríbhinn I, agus trí bhithin na gcuspóirí sonracha faoi a bhunaítear sa chlár sonracha, lena n-áirítear na bonnlínte iomchuí, socrófar na coinníollacha is gá chun meastóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a mbeifear ag tabhairt faoi chuspóirí Fís 2020 a bhaint amach.

6. I gcás inarb iomchuí agus ina mbeidh siad ar fáil, soláthróidh na Ballstáit don Choimisiún na sonraí agus an fhaisnéis is gá chun go bhféadfar faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na bearta lena mbaineann.

7. Déanfaidh an Coimisiún torthaí na meastóireachtaí dá dtagraítear san Airteagal seo, chomh maith lena bharúlacha féin, a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún.

TEIDEAL III

FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 33***Aisghairm agus forálacha idirthréimhseacha**

1. Déantar Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.
2. D'ainneoin mhír II, aon ghníomhaíochtaí arna dtionscnamh faoi Chinneadh Uimh. 1982/2006/CE agus aon oibleagáidí airgeadais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin, leanfaidh siad de bheith á rialú ag an gCinneadh sin go dtí go gcuirfear i gcrích iad.
3. Féadfar na costais a bhaineann le cúnamh teicneolaíochta agus riaracháin a theastaíonn chun an t-aistriú ó na bearta a glacadh faoi Chinneadh Uimh. 1982/2006/CE go dtí Fís 2020 a áirithiú a chumhdach leis an imchlúdach airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6 den Rialachán seo.

*Airteagal 34***Teacht i bhfeidm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 11 Nollaig 2013.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
V. LEŠKEVIČIUS

IARSCRÍBHINN I

Treoirilínte do na cuspóirí sonracha agus do na gníomhaíochtaí sonracha

Tá sé mar chuspóir ginearálta ag Fís 2020 sochaí agus geilleagar ceannródaíoch a bheidh bunaithe ar an eolas agus ar an nuálaíocht a thógáil ar fud an Aontais ar fad, agus cur leis an bhforbairt inbhuanaithe freisin. Tacóidh sí leis an straitéis Eoraip 2020 agus le beartais eile de chuid an Aontais freisin, chomh maith leis an Limistéar Eorpach Taighde (LET) a bhaint amach agus a fheidhmiú.

Is iad seo a leanas na táscairí feidhmíochta chun an dul chun cinn a mheasúnú i gcoinne an chuspóra ghinearálta sin:

- sprioc straitéis Eoraip 2020 maidir leis an taighde agus leis an bhforbairt (T&F) (3 % den olltáirgeacht intíre);
- táscaire an ascurtha maidir leis an nuálaíocht i gcomhthéacs Straitéis Eoraip 2020 ⁽¹⁾.
- cion na dtaighdeoirí sa phobal gníomhach.

Rachfar i mbun an chuspóra ghinearálta seo trí bhíthin trí cinn de thosaíochtaí atá éagsúil lena chéile ach, san am céanna, a threisiú a chéile, agus beidh tacar cuspóirí sonracha mar chuid de gach ceann de na tosaíochtaí sin. Cuirfear chun feidhme iad ar bhealach leanúnach d'fhonn caidreamh a chothú idir na cuspóirí sonracha difriúla, d'fhonn dúbláil iarrachtaí a sheachaint agus d'fhonn a gcomhthionchar a threisiú.

Rannchuideoidh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde (ACT) le cuspóir ginearálta agus le tosaíochtaí Fís 2020 a bhaint amach, agus beidh sé mar chuspóir sonracha aige tacaíocht eolaíochta agus teicneolaíochta a bheidh dírithe ar chustaiméirí a thabhairt do bheartais an Aontais.

Rannchuideoidh an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) le cuspóir ginearálta agus le tosaíochtaí Fís 2020 a bhaint amach, agus beidh sé mar chuspóir sonracha aici triantán an ardoideachas an taighde, agus na nuálaíochta - a chomhtháthú ina chéile. Is iad seo a leanas na táscairí chun feidhmíocht EIT a mheasúnú:

- eagraíochtaí ó ollscoileanna, ón earnáil ghnó agus ó earnáil an taighde atá comhtháite sna Pobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna);
- comhoibriú laistigh de thriantán an eolais d'fhonn táirgí, seirbhísí agus próisis nuálacha a fhorbairt.

Leagtar amach san Iarscríbhinn seo na mórtreoirilínte dul na gcuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 5(2), (3) agus (4).

Saincheisteanna trasnaí agus bearta tacaíochta in Fís 2020

Gníomhaíochtaí trasnaí, a bhfuil liosta tascach díobh in Airteagal 14, cuirfear chun cinn iad idir cuspóirí sonracha na dtrí thosaíochtaí de réir mar is gá chun eolas nua, príomhinníúlachtaí agus dul chun cinn ceannródaíoch sa teicneolaíocht a fhorbairt, chomh maith le faisnéis a úsáid chun luach eacnamaíoch agus sochaíoch a bhaint aisti. Thairis sin, i mórán cásanna, caithfear réitigh idirdhisciplíneacha a fhorbairt a bhaineann le roinnt cuspóirí sonracha de Fís 2020. Cuirfear dreasaíochtaí ar fáil do ghníomhaíochtaí a bhaineann le saincheisteanna trasnaí den sórt sin le Fís 2020, lena n-áirítear trí chuachadh éifeachtúil buiséad.

Na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí

Deanfar taighde sna heolaíochtaí sóisialta agus sna daonnachtaí a chomhtháthú go hiomlán i ngach tosaíocht de chuid Fís 2020 agus i ngach ceann de na cuspóirí sonracha agus rannchuideoidh an taighde sin leis an mbonn fianaise chun beartais a cheapadh ar leibhéal idirnáisiúnta, ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil. Maidir leis na dúshláin shochoíochta, déanfar na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí a phríomhshruthú mar chuid bhunriachtanach de na gníomhaíochtaí is gá chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shochoíochta d'fhonn a dtionchar a mhéadú. Leis an gcuspóir sonracha den dúshlán sochaíoch 'An Eoraip i ndomhan atá i mbun athraithe- sochaithe atá cuimsitheach, nuálaíoch agus machnamhach' tacófar le taighde sna heolaíochtaí sóisialta agus sna daonnachtaí trí dhírú ar shochaithe cuimsitheacha, nuálaíochta agus machnamhacha.

An eolaíocht agus an tsochaí

Deanfar an caidreamh idir an eolaíocht agus an tsochaí chomh maith le taighde agus nuálaíocht fhreagrach a chur chun cinn, an eolaíocht, an t-oideachas agus cultúr a neartú agus déanfar muinín an phobail i dtaobh na heolaíochta a threisiú trí ghníomhaíochtaí Fís 2020 lena spreagfar saoránaigh agus an tsochaí shibhialta chun dul i ngleic go feasach le cúrsaí taighde agus nuálaíochta.

⁽¹⁾ COIM(2013)0624.

Inscne

Is gealltanas de chuid an Aontais cur chun cinn an chothromais idir na hinscní san eolaíocht agus sa nuálaíocht. Tabharfar aghaidh ar cheist na hinscne mar shaincheist thrasnaí chun míchothromaíochtaí idir fir agus mná a réiteach, agus chun diminsean inscne a chomhtháthú i gclárú agus in ábhar a bhaineann le taighde agus nuálaíocht.

FBManna

Spreagfar agus tacófar le Fís 2020 rannpháirtíocht fiontar beag agus meánmhéide i mbealach comhtháite ar fud na gcuspóirí sonracha uile. I gcomhréir le hAirteagal 22, déanfar bearta mar a leagtar amach faoin gcuspóir sonrach 'Nuálaíocht i FBManna (ionstraim thiomnaithe FBManna) a chur i bhfeidhm sa chuspóir sonrach 'An Cheannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíochta' agus sa tosaíocht 'Dúshlán shochoíochta'.

An Chonair Mhear i dtreo na Nuálaíochta (CMN)

Le CMN, amhail a leagtar amach in Airteagal 24 é, tabharfar tacaíocht do ghníomhaíochtaí nuálaíochta faoin gcuspóir sonrach "An cheannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíochta" agus faoin tosaíocht "Dúshlán shochoíochta", de réir loighce ón mbun aníos ar bhonn glao a bheidh oscailte ar bhonn leanúnach, agus 'am chun rochtain a cheadú' nach dtéann thar sé mhí i gceist léi.

Rannpháirtíocht a leathnú

In ainneoin roinnt cóineasaithe le déanaí, tá an-difríocht le sonrú maidir le cumas féideartha nuálaíochta agus taighde na mBallstát, agus bearnaí móra idir na "ceannairí nuálaíochta" agus na "nuálaithe measartha". Cabhrófar le gníomhaíochtaí chun an deighilt taighde agus nuálaíochta san Eoraip a réiteach trí shineirgí a chur chun cinn le Cistí Eorpacha Struchtúracha agus Infheistíochta (Cistí ESI) agus trí bhearta sonracha chun barr feabhas a scaoileadh i réigiúin bheagfheidhmíochta taighde, forbartha agus nuálaíochta (TFN), agus ar an gcaoi sin rannpháirtíocht in Fís 2020 a fhorleathnú agus cuideofar leis LET a bhaint amach freisin.

Comhar Idirnáisiúnta

Tá gá le comhar idirnáisiúnta le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, réigiúnacha nó domhanda chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an iomad cuspóirí sonracha a leagtar amach in Fís 2020. Tá comhar idirnáisiúnta bunriachtanach i gcomhair taighde bunúsáil agus ceannródaíche chun tairbhe a bhaint as deiseanna a eascraíonn as eolaíocht agus teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn. Is riachtanach é an comhar chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán shochoíochta agus chun iomaíochas earnáil tionsclaíochta na hEorpa a fheabhsú. Tá sé bunriachtanach freisin go gcuirfí soghluaisteach taighdeoirí agus foirne nuálaíochta (T agus FN) ar an leibhéal idirnáisiúnta chun cinn d'fhonn an comhar domhanda sin a fheabhsú. Is gné bhunúsach de ghealltanas dhomhanda an Aontais atá sa chomhar idirnáisiúnta maidir le taighde agus nuálaíocht. Cuirfear comhar idirnáisiúnta chun cinn mar sin i ngach ceann de na trí thosaíochtaí de Fís 2020. I dteannta sin, tabharfar tacaíocht do ghníomhaíochtaí cothrománacha tiomnaithe chun forbairt chomhtháite agus éifeachtach an chomhair idirnáisiúnta ar fud Fís 2020 a áirithiú.

Forbairt inbhuanaithe agus an t-athrú aeráide

Spreagfar agus tacófar, le Fís 2020, gníomhaíochtaí chun ceannaireacht na hEorpa a úsáid sa rás chun próisis nua agus teicneolaíochtaí nua a fhorbairt lena gcuirtear forbairt inbhuanaithe, go ginearálta, chun cinn agus lena ndéantar an t-athrú aeráide a chomhrac. Cabhrófar tríd an gcur chuige cothrománach sin, a bheidh comhtháite go hiomlán i dtosaíochtaí Fís 2020, leis an Aontas rath a bhaint amach i ndomhan ísealcharbóin ina bhfuil srianta ar acmhainní, agus geilleagar atá tiosach ar acmhainní, inbhuanaithe agus iomaíoch á thógáil.

Nascadh ó fhionnachtain go dtí cur i bhfeidhm sa mhargadh

Le gníomhaíochtaí nasctha síos trí Fís 2020, iarrtar fionnachtain a thabhairt isteach i bhfeidhmiú an mhargaidh, céim a éascóidh saothrú agus margú smaointe nuair is iomchuí sin. Ba cheart na céimeanna a bhunú ar choincheap leathan nuálaíochta d'fhonn nuálaíocht thrasearnála a spreagadh.

Bearta tacaíochta trasnaí

Tacófar na bearta trasnaí le líon beart tacaíochta cothrománach, lena n-áirítear tacaíocht maidir le: mealltacht ghairm an taighdeora a fheabhsú, lena n-áirítear prionsabail ghinearálta na Cairte Eorpaí do Thaighdeoirí lena n-atreisiúir bonn fianaise chomh maith le forbairt agus tacaíocht ERA (lena n-áirítear na cúig thionscnaimh de chuid ERA) agus an Aontais Nuálaíochta; feabhas a chur ar na dálaí chun tacaíocht a thabhairt don Aontas Nuálaíochta, lena n-áirítear na prionsabail sa Mholadh ón gCoimisiún maidir le maoin intleachtúil a bhainistiú⁽¹⁾ agus measúnú a dhéanamh ar ionstraim luachshocráithe a bhunú maidir le Cearta Maoine Intleachtúil san Eoraip; riar agus comhardú na líonraí idirnáisiúnta um taighdeoirí agus nuálaithe sármhaithe, amhail COST.

⁽¹⁾ Moladh ón gCoimisiún maidir le maoin intleachtúil a bhainistiú i ghníomhaíochtaí i ndáil le faisnéis a mhalartú agus Cód Cleachtas d'ollscoileanna agus d'eagraíochtaí eile um thaighde poiblí (C(2008) 1329, 10.4.2008).

CUID I.

TOSAÍOCHT 'Eolaíocht den scoth'

Is éard is aidhm leis an gCuid seo barr feabhas bhonn eolaíochta an Aontais a threisiú agus a leathnú agus LET a dhaingniú d'fhonn córas taighde agus nuálaíochta an Aontais a dhéanamh níos iomaíche ar fud an domhain. Tá na ceithre chuspóir shonracha seo a leanas inti:

- (a) Trí bhíthin "an Chomhairle Eorpach um Thaighde (CET)", soláthrófar cistiú tarraingteach agus solúbtha chun cur ar chumas taighdeoirí tréitheacha cruthaitheacha, agus dá bhfoirne, dul i mbun oibre ar na gnéithe is fearr gealladh agus is nua-aimseartha den eolaíocht, ar bhonn iomaíochta ar fud an Aontais.
- (b) Trí bhíthin "Teicneolaíochtaí sa todhchaí agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn CET (CETanna)", tabharfar tacaíocht don chomhoibriú sa taighde d'fhonn feabhas a chur ar chumas na hEorpa nuálaíocht cheannródaíoch, réabhlóideach a bhaint amach. Cothófar leo an comhoibriú eolaíochta idir disciplíní éagsúla ar smaointe úrnua, ardriosca, agus cuirfear dlús leis an bhforbairt ar na réimsí úra sin den eolaíocht agus den teicneolaíocht is fearr gealladh, chomh maith leis an struchtúrú ar na comhphobail eolaíochta a fhreagraíonn do na réimsí sin ar fud an Aontais.
- (c) Trí "Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie", soláthrófar oiliúint nuálach den scoth ar an taighde, chomh maith le deiseanna tarraingteacha chun dul chun cinn a dhéanamh sa ghairmréim agus chun eolas a mhalartú, trí bhíthin shoghluaisteach na dtaighdeoirí thar theorainneacha agus idir na hearnálacha d'fhonn iad a ullmhú chun dul i ngleic leis na dúshláin shochoíocha reatha agus leis na dúshláin a bheidh ann amach anseo.
- (d) Trí bhíthin na "Bonneagair taighde", forbrófar agus tacófar leis na bonneagair Eorpacha taighde den scoth agus cabhrófar leo agus iad ag rannchuidiú le ERA tríd a gcumas chun nuálaíochta a chothú, trí thaighdeoirí ar ardleibhéal a mhealladh agus trí chaipiteal daonna a chur faoi oiliúint, agus comhlánófar iad sin leis an mbeartas de chuid an Aontais lena mbaineann siad agus leis an gcomhar idirnáisiúnta.

Léiríodh cheana go bhfuil breisluach ard ar gach ceann de na cuspóirí sin don Aontas. Nuair a chuirtear le chéile iad, is tacar cumhachtach, cothromúil gníomhaíochtaí iad agus, in éineacht le gníomhaíochtaí eile ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, cumhdaíonn siad an réimse iomlán riachtanas atá ag an Eoraip maidir leis an ardeolaíocht agus leis an ardeicneolaíocht. Agus iad á dtabhairt le chéile in aon chlár amháin, beifear in ann iad a fheidhmiú ar bhealach níos comhchuí, cuíchóirithe, simplithe agus níos dírithe agus, san am céanna, an leanúnachas atá chomh tábhachtach sin dá n-éifeacht a choinneáil ar bun.

Is é cineál na gníomhaíochtaí a bheith dírithe ar an am atá romhainn amach, iad ag cothú scileanna san fhadtéarma, ag díriú ar an gcéad ghlúin eile den eolaíocht, den teicneolaíocht, de thaighdeoirí agus den nuálaíocht, agus ag tabhairt tacaíochta do dhaoine tréitheacha atá ag teacht chun cinn ar fud an Aontais, as tíortha comhlachaithe agus as an domhan mór féin. Ós rud é go bhfuil comhphobal Eorpach na heolaíochta dírithe ar an eolaíocht agus go bhfuil a chuid socrúithe cistiúcháin ón mbun aníos agus dírithe ar lucht imscrúdaithe, beidh ról tábhachtach aige maidir le cinneadh a dhéanamh ar na réimsí taighde a dtabharfar fúthu faoi Fhís 2020.

CUID II.

TOSAÍOCHT 'Ceannaireacht thionsclaíoch'

Tá sé mar aidhm ag an gCuid seo dlús a chur leis an bhforbairt ar theicneolaíochtaí agus ar nuálaíochtaí a bheidh mar thaca agus mar bhonn ag gnólaíochtaí sa todhchaí, agus cuidiú le frontair bheaga agus mheánmhéide san Eoraip teacht chun bheith ina gcuideachtaí ceannródaíocha sa domhan mór. Tá na trí chuspóir shonracha seo a leanas inti:

- (a) Trí bhíthin "ceannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíocha", cuirfear tacaíocht ar fáil don taighde, don fhorbairt agus do thaispeántais, agus, i gcás inarb iomchuí, do chaighdeánú agus do dheimhniú i gcás inarb iomchuí, ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, ar nanaitheicneolaíocht, ar ábhair shárffhorbartha, ar an mbiteicneolaíocht, ar an ardmhonaraíocht agus ar an ardphróiseáil, agus ar chúrsaí spáis. Leagfar béim ar an idirghníomhaíocht agus ar an gcóineasú ar fud na dteicneolaíochtaí difriúla agus eatarthu freisin agus ar a gcaidreamh le dúshláin shochoíocha. Cuirfear riachtanais an úsáideora san áireamh sna réimsí sin ar fad.
- (b) Is éard is aidhm le "Rochtain ar mhaoiniú riosca" sárú a dhéanamh ar easnaimh ar infhaighteacht fiachais agus ar mhaoiniú cothromais le haghaidh cuideachtaí agus tionscadal atá dírithe ar an taighde, ar an bhforbairt nó ar an nuálaíocht ag gach céim dá bhforbairt. In éineacht le hionstraim chothromais an Chláir le haghaidh Iomaíochas na bhFiontar agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (COSME) (2014-2020), tabharfaidh sé tacaíocht don fhorbairt ar chaipiteal riosca ar leibhéal an Aontais.
- (c) Trí bhíthin "Nuálaíocht i FBManna", soláthrófar tacaíocht a bheidh dírithe ar FBManna chun go spreagfar gach cineál nuálaíochta in FBManna, agus díreofar orthu siúd a bhfuil sé de chumas acu fás a dhéanamh agus a bheith ina gcuideachtaí idirnáisiúnta sa mhargadh aonair agus lasmuigh de.

Déanfar na gníomhaíochtaí de réir cláir oibre atá dírithe ar ghnó. Feidhmeoidh na buiséid le haghaidh na gcuspóirí sonracha 'Rochtain ar mhaoiniú riosca' agus 'Nuálaíocht i FBManna' de réir loighce atá dírithe ar an éileamh, ón mbun aníos. Comhlánófar na buiséid sin trí úsáid a bhaint as ionstraimí airgeadais. Cuirfear chun feidhme ionstraim atá tiomnaithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide ar bhealach ón mbun aníos go príomha, ar ionstraim í a bheidh dírithe ar riachtanais FBManna, agus cuspóirí sonracha na tosaíochta 'Dúshlán shochoaíochta' agus an cuspóir sonracha 'Ceannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíochta' á gcur san áireamh.

Beidh cur chuige comhtháite i bhfeidhm in Fís 2020 maidir le rannpháirtíocht FBManna, agus a gcuid riachtanas aistrithe eolais agus teicneolaíochta á gcur san áireamh, inter alia, rud a fhágann gur cheart go dtabharfaí do FBManna íosmhéid de 20 % d'iomlán na mbuiséad cumasctha le haghaidh na gcuspóirí sonracha go léir maidir le dúshlán shochoaíochta agus leis an gcuspóir sonracha 'An cheannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíochta'.

Sa chuspóir sonracha 'An cheannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíochta', leanfar cur chuige atá dírithe ar an teicneolaíocht chun forbairt a dhéanamh ar theicneolaíochtaí cumasúcháin a d'fhéadfaí a úsáid i roinnt réimsí, tionscal agus seirbhísí. Na teicneolaíochtaí sin a rachaidh i ngleic le dúshlán shochoaíochta, tacófar lena gcur i bhfeidhm, chomh maith leis na tosaíocht 'Dúshlán shochoaíochta'.

CUID III.

TOSAÍOCHT 'Dúshlán shochoaíochta'

Freagraíonn an Chuid seo go díreach do thosaíochtaí an bheartais agus do na dúshlán shochoaíochta atá aitheanta i straitéis Eoraip 2020, agus arb éard is aidhm dóibh an mhais chriticiúil is gá chun spriocanna an Aontais maidir lena bheartas ar thaighde agus ar iarrachtaí ar nuálaíocht a spreagadh. Díreofar an cistiú ar na cuspóirí sonracha seo a leanas:

- (a) An tsláinte, an t-athrú déimeagrafach agus an fholláine;
- (b) Sábháilteacht an tsoláthair bia, an talmhaíocht agus an fhoraoiseacht inbhuanaithe, taighde ar chúrsaí mara, ar chúrsaí muirí agus ar uisce intíre agus an bithghéilleagar;
- (c) Fuinneamh atá slán, glan agus éifeachtúil;
- (d) Iompar atá cliste, glas agus comhtháite;
- (e) Gníomhaíocht ar mhaithe leis an aeráid, an comhshaol, éifeachtúlacht acmhainní agus amhábhair;
- (f) An Eoraip i ndomhan atá ag athrú – sochaithe atá uilechuimsitheach, nuálach agus macnamhach;
- (g) Sochaithe slána – Saoirse agus slándáil na hEorpa agus a cuid saoránach a chosaint.

Beidh cur chuige atá dírithe ar na dúshlán sin i bhfeidhm sna gníomhaíochtaí ar fad agus féadfaidh taighde bunúsach, taighde feidhmeach, malartú faisnéise nó nuálaíocht bheith sa chur chuige, agus díreofar go háirithe ar thosaíochtaí beartais gan réamhchinneadh a dhéanamh ar na teicneolaíochtaí nó ar na réitigh ba cheart a fhorbairt. I dteannta réiteach atá dírithe ar theicneolaíocht, tabharfar aird ar nuálaíocht neamhtheicniúil agus eagraíochtúil córas maraon le ar nuálaíocht na hearnála poiblí. Leagfar béim ar mhais chriticiúil d'acmhainní agus d'eolas a thabhairt le chéile ó réimsí, ó theicneolaíochtaí agus ó dhisciplíní éagsúla eolaíochta agus ó bhonneagair taighde d'fhonn dul i ngleic leis na dúshlán. Cumhdófar leis na gníomhaíochtaí an próiseas ar fad ón taighde bunúsach go dtí an margadh, agus leagfar béim úr ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an nuálaíocht, amháil scéimeanna píolótacha, gníomhaíochtaí taispeántais, trialacha sábháilte, tacaíocht don soláthar poiblí, ceapadh, nuálaíocht atá dírithe ar na húsáideoirí deiridh, an nuálaíocht shóisialta, malartú faisnéise agus an chaoi a nglacann an margadh le nuálaíochtaí agus le caighdeánú.

CUID IV.

AN CUSPÓIR SONRACH 'BARR FEABHAS A LEATHNÚ AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT A ARDÚ'

Is é an cuspóir sonracha 'Barr feabhas a leathnú agus rannpháirtíocht a ardú' cumas dhaoine tréitheacha na hEorpa a shaothrú go hiomlán agus a áirithiú go mbainfear an leas is fearr as sochair ghéilleagair atá faoi thionchar na nuálaíochta agus go scaipfear iad ar fud an Aontais i gcomhréir le príonsabal an bharr feabhais.

CUID V.

AN CUSPÓIR SONRACH 'EOLAÍOCHT I GCOMHAR LEIS AN TSOCHAÍ AGUS LE HAGHAIDH NA SOCHAÍ'

Is é aidhm an chuspóra shonraigh 'Eolaíocht i gcomhar leis an tsochaí agus le haghaidh na sochaí' comhar éifeachtach a chruthú idir an eolaíocht agus an tsochaí, daoine tréitheacha nua a earcú don eolaíocht agus barr feabhas eolaíoch a chur le feachtas agus freagracht shóisialta.

CUID VI.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ DÍREACHA NEAMHNÚICLÉACHA AN AIRMHEÁIN CHOMHPHÁIRTIGH TAIGHDE (ACT)

Beidh gníomhaíochtaí ACT ina ndlúthchuid de Fís 2020 d'fhonn tacaíocht stóinsithe atá bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil do bheartais an Aontais. Díreofar iad sin ar riachtanais na gcustaiméirí, agus comhlánófar iad le gníomhaíochtaí atá dírithe ar an am atá romhainn amach.

CUID VII.

AN INSTITUTE EORPACH UM NUÁLÁIOCHT AGUS TEICNEOLAÍOCHT (IET)

Beidh ról tábhachtach ag EIT trí bhíthin taighde, eardoideachas, nuálaíocht agus ardoideachas den scoth a thabhairt le chéile, rud a dhéanfaidh triantán an eolais a chomhtháthú. Déanfaidh EIT sin go príomha trí bhíthin PENanna. Ina theannta sin, áiríteoidh sé go roinnfear an taithí ar phobail laistigh de PENanna agus lasmuigh díobh féin trí bhearta spriocdhírthe scaipthe agus malartaithe eolais, rud a fhágann go nglacfar níos sciobtha leis na samhlacha nuálaíochta ar fud an Aontais.

CUID I

EOLAÍOCHT DEN SCOTH

1. An Chomhairle Eorpach um Thaighde

1.1. Cuspóir sonrach

Is é an cuspóir sonrach barr feabhas, fuinneamh agus cruthaitheacht an taighde Eorpaigh a threisiú.

Tá uaillmhian leagtha amach ag an Eoraip chun glacadh le samhail eacnamaíoch úr bunaithe ar an bhfás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach. Beidh níos mó ná feabhsuithe beaga ar na teicneolaíochtaí reatha agus ar an eolas reatha ag teastáil chun claochlú den sórt sin a chur i bhfeidhm. Is éard a theastóidh cumas i bhfad níos fearr chun na nuálaíochta atá bunaithe ar an eolaíocht agus ar an taighde bunúsach, agus í sin ag eascairt as an eolas is réabhlóidí amuigh, sa chaoi go bhféadfaidh an Eoraip a bheith ina ceannaire agus í ag cruthú na n-aistrithithe paraidíme teicneolaíochta agus eolaíochta a stiúrfaidh fás na táirgiúlachta, iomaíochas, rachmas, forbairt inbhuanaithe agus dul chun cinn sóisialta sna tionscail agus sna hearnálacha amach anseo. Go dtí seo, is níos le haistrithe paraidíme den sórt sin eascairt ón mbonn eolaíochta san earnáil phoiblí sula leantar ar aghaidh chun an dúshraith a leagan le haghaidh tionscal agus earnálacha úrnu.

Tá dlúthcheangal idir an nuálaíocht a thugann treoir don domhan agus an eolaíocht den scoth. Cé go raibh sí chun tosaigh tráth dá raibh, tá an Eoraip chun deiridh anois agus í ag iarraidh an obair is fearr agus is úire a dhéanamh san eolaíocht; ón dara cogadh domhanda i leith, tá sí ina tánaiste ag na Stáit Aontaithe maidir le dul chun cinn mór a dhéanamh sa teicneolaíocht. In ainneoin gurb é an tAontas a fhoilsíonn an líon is mó foilseacháin eolaíochta ar domhan go fóill, foilsíonn Stáit Aontaithe Mheiriceá dhá oiread na ndoiciméad is tábhachtaí (an 1 % is tábhachtaí díobh, de réir líon na n-uaireanta a luaitear iad). Ar an gcuma chéanna, léiríonn rangú idirnáisiúnta na n-ollscoileanna gurb iad ollscoileanna SAM atá in uachtar. Ina theannta sin, bhí 70 % de bhuaiteoirí dhuais Nobel go dtí seo lonnaithe sna Stáit Aontaithe.

Seo gné amháin den dúshlán: cé go n-infheistíonn an Eoraip agus na Stáit Aontaithe thart ar an oiread céanna airgid ina mboinn eolaíochta san earnáil phoiblí, tá beagnach trí oiread líon na dtaighdeoirí ag obair san earnáil phoiblí san Aontas ná mar atá i SAM, rud a fhágann go bhfaigheann taighdeoirí i bhfad níos lú infheistíochta, in aghaidh an taighdeora, san Eoraip. Ina theannta sin, bíonn SAM níos cúramaí agus acmhainní á leithdháileadh ar na taighdeoirí is fearr. Sin ceann de na fáthanna nach mbíonn taighdeoirí an Aontais a oibríonn san earnáil phoiblí, ar an meán, chomh rathúil céanna lena gcomhthaighdeoirí i SAM, agus nach mbíonn an comhthionchar céanna ag a gcuid oibre ar an eolaíocht, in ainneoin gur líonmhaire go mór taighdeoirí an Aontais.

Gné mhór eile den dúshlán is ea nach leor na dálaí oibre a chuirtear ar fáil san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach i gcuid mhaith de thíortha na hEorpa chun na taighdeoirí is fearr a mhealladh. Is minic a thógann sé cuid mhaith blianta sula n-éiríonn le taighdeoirí óga tréitheacha a bheith ina n-eolaithe neamhspleácha ina gcáil féin. Fágann sin go gcuirtear amú cumas na hEorpa sa taighde trí mhoill a chur ar theacht chun cinn na chéad ghlúine eile de thaighdeoirí a mbíonn smaointe úra acu agus fuinneamh iontu, nó, i gcásanna áirithe trí bhac a chur orthu, é sin nó trí thaighdeoirí den scoth a mhealladh chun tús a chur lena ngairmréim san Eoraip agus ansin ardú céime a lorg in áit eile.

Ina theannta sin, fágann na nithe sin ar fad go ndéantar an Eoraip níos neamhtharraingtí fós san iomaíocht dhomhanda le haghaidh eolaithe tréitheacha a mhealladh.

1.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Cruthaíodh an Chomhairle Eorpach um Thaighde (ERC) chun go gcuirfí ar fáil do na taighdeoirí is fearr san Eoraip, idir fhir agus mhná, na hacmhainní a theastaíonn uathu chun dul in iomaíocht ar leibhéal domhanda, agus déantar sin trí bhíthin foirne aonair a chistiú ar bhonn iomaíochta ar fud na hEorpa. Feidhmíonn sí ar bhonn féinrialach:

is Comhairle neamhspleách Eolaíochta ina mbíonn eolaithe, innealtóirí agus scoláirí a bhfuil ardcháil agus saineolas bainte amach acu, ar mná agus fir iad in aoisghrúpaí éagsúla, a bhunaíonn an straitéis ghinearálta i leith na heolaíochta, agus is aici atá údarás iomlán ar chinntí a dhéantar faoin gcineál taighde a mhaoineáir. Is gnéithe bunúsacha de ERC iad sin, agus tugann siad ráthaíocht go mbíonn an clár eolaíochta éifeachtach, go mbíonn na hoibríochtaí agus an próiseas athbhreithnithe piaraí ar ardchaighdeán, agus go mbíonn cáil mhaith uirthi i measc chomhphobal na heolaíochta.

Agus é ag feidhmiú ar fud na hEorpa ar bhonn iomaíoch, tá ERC in ann tarraingt ar thacar de dhaoine tréitheacha agus de smaointe, ar tacar é atá níos leithne ná mar a bheadh ar fáil faoi aon scéim náisiúnta. Bíonn na taighdeoirí is fearr agus na smaointe is fearr in iomaíocht le chéile. Tuigeann na hiarratasóirí go mbíonn orthu obair shármhaith a dhéanamh, agus is éard a fhaigheann siad i gcomaoin air sin cistiú solúbtha ar mhachaire réidh, gan spleáchas do scrogaill áitiúla ná do chistiú náisiúnta a bheith ar fáil.

Mar sin bítear ag súil le go mbeidh tionchar substaintiúil díreach ag an taighde ceannródaíoch a fhaigheann cistiú ón gComhairle Eorpach um Thaighde, go ndéanfaidh sé dul chun cinn san eolas is ceannródaíche, go réiteoidh sé an bealach le haghaidh torthaí úra agus torthaí gan choinne san eolaíocht agus sa teicneolaíocht, agus le haghaidh réimsí úra den taighde a fhéadfaidh, faoi dheoidh, na smaointe úrnua a stiúrfaidh an nuálaíocht agus an airgtheacht sa ghnóthas agus a rachaidh i ngleic le dúshláin shochoíocha a ghiniúint. Tá an teaghlaim sin d'eolaithe aonair den scoth agus smaointe nuálacha mar bhonn agus mar thaca ag gach céim den slabhra nuálaíochta.

Thairis sin, tá tionchar mór struchtúrach ag ERC trí bhíthin feabhsúcháin ar chaighdeán an chórais Eorpaigh taighde a spreagadh go mór, de bhreis ar na taighdeoirí agus ar na tionscadail a chistíonn ERC go díreach. Déanann tionscadail agus taighdeoirí a fhaigheann cistiú ó ERC sprioc shoiléir, uaillmhianach a leagan síos le haghaidh an taighde cheannródaíoch san Eoraip, ardaíonn siad a phróifíil, agus déanann siad níos tarraingtí é do na taighdeoirí is fearr ar fud an domhain. Toisc ardghradam a bheith ag roinnt leo siúd a fhaigheann deontais ó ERC agus an 'stampa barr feabhais' a ghabhann leis sin, tá an iomaíocht ag éirí níos géire idir ollscoileanna na hEorpa agus eagraíochtaí eile taighde chun na dálaí oibre is tarraingtí a thairiscint do na taighdeoirí is fearr. Maidir le cumas na gcóras náisiúnta agus na n-institiúidí aonair taighde chun lucht buaite deontas ó ERC a mhealladh agus a óstáil, tá sé sin ina thagarmharc a fhéadfar a úsáid chun a gcuid láidreachtaí agus laigí a mheasúnú agus chun a gcuid beartas agus cleachtas a athchóiriú dá réir. Dá bhrí sin tá an cistiú ó ERC de bhreis ar na hiarrachtaí leanúnacha atá ar bun ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach chun an córas taighde Eorpach a athchóiriú, a chumas a chothú, na féidearthachtaí is d'inneach de a bhaint amach, agus é a dhéanamh níos tarraingtí.

1.3. *Dul na ngníomhaíochtaí*

Is éard a bheidh i ngníomhaíocht bhunúsach ERC cistiú tarraingteach fadtéarmach a chur ar fáil chun tacú le taighdeoirí den scoth agus lena bhfoirne taighde agus iad i mbun taighde cheannródaíoch, ardhgnóthachain/ar-driosca.

Bronnfar cistiú ó ERC i gcomhréir leis na prionsabail seanbhunaithe seo a leanas: Is é an barr feabhais eolaíoch an t-aon chritéir amháin a mheasfar agus deontais ón ERC á mbronnadh. Feidhmeoidh ERC ar bhonn 'ón mbun aníos' gan aon tosaíochtaí réamhchinntithe a dhéanamh. Beidh deontais ó ERC ar fáil d'fhoirne aonair taighdeoirí a oibríonn san Eoraip, is cuma cén aois iad, cén inscne atá acu nó cé as dóibh. Beidh sé d'aidhm ag ERC iomaíochas sláintiúil a chothú trasna na hEorpa, ar iomaíochas é a bheidh bunaithe ar nósanna imeachta meastóireachta a bheidh stóinsithe, trédhearcach agus neamhchlaonta, agus a thabharfaidh aghaidh, go háirithe, ar loafacht inscne a d'fhéadfadh a bheith ann.

Beidh sé mar thosaíocht ar leith ag ERC cúnaimh a thabhairt do na taighdeoirí is fearr atá ag tosú agus a bhfuil smaointe den scoth acu chun an trasdul a dhéanamh chuig obair neamhspleách, agus déanfar sin trí bhíthin tacaíocht leormhaith a thabhairt dóibh ag an gcéim thábhachtach sin agus iad ag bunú nó ag comhdhlúthú a bhfoireann taighde féin nó a gclár taighde féin. Leanfaidh ERC freisin de leibhéil iomchuí tacaíochta a sholáthar do thaighdeoirí bunaithe.

Tabharfaidh ERC tacaíocht freisin, de réir mar is gá, do bhealaí úra oibre san eolaíocht a d'fhéadfadh torthaí ceannródaíoch a chruthú, agus a d'fhéadfadh fionnachtaí a dhéanamh ar an gcumas atá sa taighde a chistíonn sé chun nuálaíocht tráchtála agus sóisialta a bhaint amach.

Faoi 2020, féachfaidh ERC, dá bhrí sin, leis na nithe seo a leanas a léiriú: go bhfuil na taighdeoirí is fearr ag glacadh páirte i gcomórtais ERC, go n-eascraíonn as an gcistiú a thugann an ERC uaidh foilseacháin eolaíochta den chaighdeán is airde chomh maith le torthaí taighde a d'fhéadfadh tionchar mór a bheith acu ó thaobh na sochaí agus ó thaobh an gheilleagair de, agus go bhfuil méid mór déanta ag ERC chun an Eoraip a dhéanamh níos tarraingtí mar ionad do na heolaithe is fearr ar domhan. Beidh sé mar sprioc ag ERC go háirithe feabhsú intomhaiste a bhaint amach i líon na bhfoilseachán de chuid an Aontais a áirítear sa chéad 1% d'fhoilseacháin is minice a luaitear ar domhan. Ina theannta sin, féachfaidh sé le méadú substaintiúil a chur ar líon na dtaighdeoirí den scoth nach as an Eoraip dóibh a dtugann sé cistiú dóibh. Roinnfidh ERC tairgí agus dea-chleachtais le gníomhaireachtaí cistiúcháin réigiúnacha agus náisiúnta ionas go gcuirfí chun cinn tacaíocht do thaighdeoirí den scoth. Thairis sin, déanfaidh ERC infheictheacht a gcuid clár a mhéadú tuilleadh.

Déanfaidh Comhairle Eolaíochta ERC faireachán leanúnach ar oibríochtaí agus ar nósanna imeachta meastóireachta ERC agus measfaidh siad cén bealach is fearr lena chuid cuspóirí a bhaint amach trí bhíthin scéimeanna deontas a réachtáil ina leagfar béim ar an éifeachtacht, ar an tsoiléireacht, ar an gcoibhsaíocht agus ar an tsimplíocht do na hiarratasóirí féin agus don chaoi a dhéanfar na scéimeanna a chur chun feidhme agus a bhainistiú agus, de réir mar is gá, le dul i ngleic le riachtanais atá ag teacht chun cinn. An córas athbhreithnithe piaraí atá ag ERC, atá bunaithe ar láimhseáil atá iomlán trédhearcach, cothrom agus neamhchlaonta a dhéanamh ar na tograí ionas gur féidir

taighdeoirí eolaíochta atá sármhaith, ceannródaíoch agus tréitheach a shainnaithint beag beann ar inscne, ar náisiúntacht, ar institiúid nó ar aois an taighdeora, féachfar lena choinneáil ar bun agus lena dhéanamh níos fearr fós. Ar deireadh, leanfaidh ERC de bheith ag déanamh a chuid staidéar straitéiseach féin chun ullmhú dá chuid gníomhaíochtaí a dhéanamh agus chun tacú leo, chun leanúint de bheith i ndlúth-thadhall le pobal na heolaíochta, le gníomhaireachtaí cistiúcháin réigiúnacha agus náisiúnta agus le geallsealbhoirí eile, agus de bheith mar aidhm aici lena ghníomhaíochtaí a chomhlánú leis an taighde atá ar bun ar leibhéal eile.

Áiríteoidh ERC trédhearcacht sa chumarsáid faoina ghníomhaíochtaí agus faoina thorthaí le pobal na heolaíochta agus leis an bpobal i gcoitinne agus coinneoidh sé sonraí nuashonraithe ó thionscadail mhaoinithe.

2. Teicneolaíochtaí sa Todhchaí agus Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn (FET)

2.1. Cuspóir sonrach

Is é an cuspóir sonrach teicneolaíochtaí úrnua a chothú, lena bhféadfaí réimsí nua a oscailt don eolas eolaíoch agus do theicneolaíochtaí agus cur leis na tionscail Eorpacha den chéad ghlúin eile, trí bhíthin fionnachtain a dhéanamh ar smaointe núíosacha agus ardriosca a fhorbraíonn bunúis eolaíocha. Trí thacaíocht sholúbtha a thabhairt don taighde comhoibritheach atá dírithe ar spriocanna a bhaint amach agus atá idirdhisciplíneach ar scálaí éagsúla, agus trí chleachtais nuálacha taighde a ghlacadh, tá sé mar aidhm deiseanna ar mhaithe le leas fadtéarmach na saoránach, an gheilleagair agus na sochaí a shainnaithint agus a thapú. Trí bhíthin FET, beidh breisluach an Aontais ag baint le teorainneacha an taighde nua-aimseartha.

Trí bhíthin FET, cuirfear chun cinn taighde agus teicneolaíocht in ábhair nach dtuigear, nach nglactar leo nó nach nglactar go forleathan, agus cothófar an smaointeoireacht núíosach fhadbhreathnaitheach chun teacht ar bhealaí rathúla le teicneolaíochtaí cumhachtacha nua a fhorbairt, agus d'fhéadfadh cuid acu sin a bheith ar na paraidímí teicneolaíochta agus intleachtúla is tábhachtaí sna blianta atá romhainn amach. Trí bhíthin FET, cothófar iarrachtaí ar thaighde ar mhionscála a dhéanamh i ngach réimse, lena n-áirítear téamaí atá ag teacht chun cinn agus mórdhúshláin eolaíochta agus teicneolaíochta ar gá dlúthchomhar idir cláir ar fud na hEorpa agus lasmuigh di chun tabhairt fúthu. Beidh an cur chuige sin dírithe ar bharr feabhais a bhaint amach agus cumhdófar leis na nithe seo a leanas: fionnachtain a dhéanamh ar smaointe réamhiomaíochta chun an teicneolaíocht sa todhchaí a shocrú; cur ar a gcumas don tsochaí agus don earnáil tionsclaíochta leas a bhaint as an gcomhoibriú ar thaighde ildisciplíneach ar gá dul ina bhun ar leibhéal Eorpach trí bhíthin ceangal a dhéanamh idir an taighde atá dírithe ar an eolaíocht agus an taighde atá dírithe ar dhúshláin shochoíocha agus ar spriocanna sochoíocha nó ar an iomaíochas tionsclaíoch.

2.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

An obair cheannródaíoch a mbaineann tionchar claochlaitheach léi, is mó a bhraitheann sí ar an dian-chomhoibriú idir disciplíní san eolaíocht agus sa teicneolaíocht (mar shampla, faisnéis agus cumarsáid, bithheolaíocht, bithinnealtóireacht agus an róbataic, ceimic, fisic, matamaitic, samháltú míochaine, eolaíochtaí um chóras an Domhain, eolaíocht na n-ábhar, eolaíochtaí an néarchórais agus na heolaíochtaí cognaíocha, na heolaíochtaí sóisialta nó an eacnamaíocht) agus na healaíona, na heolaíochtaí iompraíochta agus na daonnachtaí. Chuige sin, d'fhéadfadh sé tarlú go dteastódh ní amháin barr feabhais san eolaíocht agus sa teicneolaíocht, ach meonta nua agus idirghníomhaíochtaí núíosacha idir réimse leathan den lucht taighde.

Cé gur féidir smaointe áirithe a fhorbairt ar mhionscála, d'fhéadfadh smaointe eile a bheith chomh dúshlánach sin gur gá tabhairt fúthu ar bhonn comhoibritheach thar thréimhse shubstantiúil ama. Tá sin aitheanta ag mórgheilleagair ar fud an domhain, agus tá an iomaíocht dhomhanda ag éirí níos géire chun deiseanna teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn san eolaíocht is ceannródaíche, agus a d'fhéadfadh tionchar mór a imirt ar an nuálaíocht agus ar leas na sochaí, a shainnaithint agus a thapú. D'fhonn a bheith éifeachtach, d'fhéadfadh sé tarlú gur gá a na cineálacha sin gníomhaíochtaí a fhorbairt go mear chun go mbeidh siad ar mhórscála, agus é sin a dhéanamh trí bhíthin iarrachta comhchoitinne Eorpaí a bheadh dírithe ar spriocanna comhchoiteanna chun mais chriticiúil a thógáil, sineirgí a chothú agus na hiarmhairtí luamhánaithe is fearr a bhaint amach.

Le FET, rachfar i ngleic leis an réimse iomlán den nuálaíocht atá dírithe ar an eolaíocht: ó luathfionnachtain ar mhionscála, ón mbun aníos, a dhéanamh ar smaointe atá i dtús fáis nó leochaileach; go dtí pobail úra taighde agus nuálaíochta a bhunú ar réimsí taighde mórtionchair atá ag teacht chun cinn, agus mórtionscnaimh thaighde chomhoibritheacha atá bunaithe ar chlár taighde arb éard is aidhm leis spriocanna uailmhianacha fadbhreathnaitheacha a bhaint amach. Beidh a luach féin ag gach ceann de na trí leibhéal rannpháirtíochta sin, agus beidh siad ag comhlánú a chéile agus sineirgisteach. Mar shampla, trí fhionnachtain ar mhionscála a dhéanamh, d'fhéadfaí a léiriú gur gá forbairt a dhéanamh ar théamaí nua a bhféadfadh gníomhaíocht ar mhórscála bunaithe ar threochláir iomchuí eascairt astu. I measc na ndaoine a d'fhéadfadh a bheith páirteach iontu, tá réimse leathan den lucht taighde, lena n-áirítear taighdeoirí óga agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shaothraíonn an taighde go dian, agus pobail de gheallsealbhoirí (an tsochaí shibhialta, lucht déanta beartas, taighdeoirí san earnáil tionsclaíochta agus san earnáil phoiblí), iad go léir dírithe ar chlár thaighde a bhíonn ag fás, ag forbairt agus ag éirí níos éagsúla.

2.3. Dul na ngníomhaíochtaí

Cé go bhfuil sé mar aidhm ag FET a bheith fadbhreathnaitheach, éagsúil agus tionchar mór a imirt, agus is de réir cineálacha difriúla loighce a dhéanfar a chuid gníomhaíochtaí: ó chur chuige oscailte go dtí céimeanna éagsúla de struchtúir a chur ar ábhair, ar phobail agus ar chistiú.

Trí bhíthin na ngníomhaíochtaí, treiseofar na cineálacha loighce a stiúrfaidh an ghníomhaíocht, ar an scála iomchuí, agus sainaitheofar agus tapófar deiseanna ar mhaithe le leas fadtéarmach na saoránach, an gheilleagair agus na sochaí:

- (a) Trí bhíthin smaointe núíosacha a chothú ('FET Open'), tabharfar le FET tacaíocht do thaighde eolaíochta agus teicneolaíochta luathchéime agus ina ndéantar fionnachtain ar bhunús nua le haghaidh teicneolaíochtaí úrnua don todhchaí trí bhíthin paraidímí reatha a cheistiú agus réimsí úra a thaiscéaladh. Trí bhíthin próiseas roghnúcháin a fheidhmíonn ón mbun aníos agus atá oscailte do gach smaoineamh ar thaighde, cothófar punann éagsúil de spriochtionscadail. Fachtóirí an-tábhachtach réimsí, forbairtí agus treochtaí úra a shainthint, chomh maith le lucht taighde agus nuálaíochta atá úr agus a bhfuil cumas mór acu a mhealladh.
- (b) Trí bhíthin pobail agus téamaí atá ag teacht chun cinn a chothú ('FET Proactive'), rachfar le FET, i ndlúthchomhar leis na dúshláin shochoaíocha agus le téamaí na ceannaireachta tionsclaíche, i ngleic le roinnt téamaí fionnachtana taighde a bhfuil gealladh fúthu agus a d'fhéadfadh mais chriticiúil de thionscadail idirghaolmhara a ghiniúint, ar tionscadail iad a bheidh ina bhfionnachtain leathan ilghnéitheach ar na téamaí agus a dhéanfaidh comhthiomsú ar eolas na hEorpa.
- (c) Trí bhíthin tabhairt faoi mhórdhúshláin idirdhisciplíneacha a bhaineann leis an eolaíocht agus leis an teicneolaíocht ('FET Suaitheanta'), le FETn, agus toradh na dtionscadal ullmhúcháin dá gcuid á chur san áireamh go hiomlán, tabharfar tacaíocht do thaighde uailmhianach atá ar mhórsála agus atá dírithe ar eolaíocht agus ar theicneolaíocht agus é mar aidhm aige talamh úr a bhriseadh san eolaíocht agus sa teicneolaíocht i réimsí a shainaitheann mar réimsí ábhartha ar bhealach oscailte agus trédhearcach ina mbeidh páirt á glacadh ag na Ballstáit agus ag geallsealbhóirí ábhartha. D'fhéadfadh an comhar idir cláir Eorpacha, cláir náisiúnta agus cláir réigiúnacha dul chun leasa na ngníomhaíochtaí sin. Ba cheart don dul chun cinn eolaíoch bonn láidir leathan a sholáthar don nuálaíocht agus don chur i bhfeidhm eacnamaíoch as seo amach, chomh maith le sochair núíosacha a thabhairt don tsochaí. Bainfear amach na gníomhaíochtaí sin trí úsáid a bhaint as na hionstraimí cistithe atá ann cheana.

Déanfar 40 % d'acmhainní FET a dhíriú ar "FET Open".

3. Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie

3.1. Cuspóir sonrath

Is é an cuspóir sonrath a áirithiú go ndéanfar an fhorbairt is fearr is féidir ar chaipiteal intleachtúil na hEorpa agus go mbainfear úsáid dhinimiciúil as d'fhonn scileanna nua agus eolas agus an nuál a fhorbairt agus a aistriú agus, ar an gcaoi sin, a chumas iomlán a bhaint amach ar fud na n-earnálacha agus na réigiúin ar fad.

Is é an eilimint is bunriachtanaí chun an eolaíocht is fearr agus an nuálaíocht atá bunaithe ar thaighde is tairgiúla a bhaint amach taighdeoirí dinimiciúla, cruthaitheacha, a bhfuil ardoiliúint orthu.

Cé go bhfuil réimse mór éagsúil d'acmhainní daonna san Eoraip chun taighde agus nuálaíocht a dhéanamh, ní mór é a athnuachan, a fheabhsú agus a oiriúnú go rialta do riachtanais mhargadh an tsaothair a bhíonn ag athrú go mear. Sa bhliain 2011 níor oibrigh ach 46 % den réimse sin san earnáil ghnó, céatadán is ísle i bhfad ná mar atá ag príomhiomaitheoirí eacnamaíocha na hEorpa, e.g. 69 % sa tSín, 73 % sa tSeapáin agus 80 % sna Stáit Aontaithe. Ina theannta sin, fágann cúrsaí déimeagrafacha go sroichfidh líon díreireach taighdeoirí aois scoir in imeacht an dornáin blianta atá romhainn. Beidh sé sin, chomh maith leis an ngá atá ann i bhfad níos mó poist taighde ar ardchaighdeán a chruthú fad a éiríonn an geilleagar taighde Eorpach níos déine, ar na dúshláin is mó os comhair chóras taighde nuálaíochta agus oideachais, na hEorpa sna blianta atá romhainn amach.

Ní mór tosú ar an athchóiriú is gá nuair a bhíonn taighdeoirí ag tosú amach ar a ngairmréim, is é sin, le linn a chuid staidéar dochtúireachta nó le linn oiliúint iarchéime atá incomparáide leo sin. Ní mór don Eoraip scéimeanna oiliúna úrscothacha, nuálacha a fhorbairt, iad comhsheasmhach le riachtanais an taighde agus na nuálaíochta a bhíonn an-iomaíoch agus atá ag éirí níos idirdhisciplíní i gcónaí. Beidh gá le rannpháirtíocht shuntasach gnólachtaí, lena n-áirítear frontair bheaga agus mheánmhéide agus gníomhaithe socheacnamaíocha eile, chun na scileanna nuálaíochta agus fiontraíochta leathana a bheidh ag teastáil i bpoist sa todhchaí a thabhairt do thaighdeoirí agus chun iad a spreagadh chun smaoineamh ar dhul isteach i dtionscal nó sna cuideachtaí is nuáláí mar ghairmréim. Beidh sé tábhachtach freisin feabhas a chur ar shoghluaisteacht na dtaighdeoirí sin, óir tá sí ar leibhéal ró-íseal faoi láthair: sa bhliain 2008, ní bhfuair ach 7 % d'ábhair dhochtúra oiliúint i mBallstát eile, ach is é 20 % an sprioc atá le baint amach faoin mbliain 2030.

Ní mór leanúint den athchóiriú sin le linn gach céime de ghairmréim na dtaighdeoirí. Is rithábhachtach feabhas a chur ar shoghluaisteacht na dtaighdeoirí ar gach leibhéal, lena n-áirítear ar shoghluaisteacht na dtaighdeoirí sin atá i lár a ngairmréimee, ní amháin idir tíortha ach idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach freisin. Spreagann sé sin go mór an fhoghlaim agus scileanna nua a fhorbairt. Bíonn tionchar mór aige freisin ar an gcomhar a chothú idir an lucht acadúil, ionaid taighde agus earnáil na tionsclaíochta i dtíortha éagsúla. Is iad na daoine féin an ghné is tábhachtaí den chomhar inbhuanaithe a bhaint amach, ar príomhfachtóir é an comhar sin don Eoraip agus í ag iarraidh a bheith nuálach, cruthaitheach agus in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin sochoaíocha, agus beidh sé rithábhachtach chun ilroinnt na mbeartas náisiúnta a réiteach. Chun go bhfillfidh

an Eoraip ar chonair an fháis inbhuanaithe agus chun go rachaidh sí i ngleic le dúshlán shochoaíocha, is rithábhachtach iad an comhoibriú agus roinnt eolais trí bhíthin na soghluaisteacha aonair a sholáthar i ngach céim den ghairmréim agus trí bhíthin baill foirne taighde agus nuálaíochta a bhfuil ardoiliúint orthu a mhalartú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le héagorthromaíochtaí i gcumais taighde agus nuála a shárú.

Sa chomhthéacs sin, ba cheart go spreagfaí le Fís 2020 forbairt gairmréime agus shoghluaiseacht na dtaighdeoirí trí bhíthin coinníollacha feabhsaithe atá le sainiú maidir le hiniomparthacht dheontais Fhís 2020.

Áiríteofar le gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie comhdheiseanna éifeachtacha maidir le soghluaisteach taighdeoirí fireanna agus baineanna, lena n-áirítear trí bhearta sonracha chun baic a bhaint.

Más mian leis an Eoraip a bheith ar aon chéim lena cuid iomaitheoirí sa taighde agus sa nuálaíocht, ní mór di níos mó ban óg agus fear óg a mhealladh chun dul i mbun gairmeacha sa taighde agus deiseanna agus ionaid tharraingteacha a chur ar fáil le haghaidh an taighde agus na nuálaíochta. Ba cheart do na daoine is tréithí san Eoraip agus in áiteanna eile breathnú ar an Eoraip mar áit iontach le hoibriú ann. Is gnéithe bunúsacha nach foláir a áirithiú ar bhealach leanúnach ar fud na hEorpa ar fad iad na nithe seo a leanas: an comhionannas inscne, an fhostaíocht sheasmhach agus dálaí maithe oibre atá ar ardchaighdeán agus aitheantas.

3.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Ní leor cistiú a thugann an tAontas uaidh ann féin, ná na Ballstáit ina n-aonar, chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin. Cé go bhfuil athchóirithe tugtha isteach ag na Ballstáit cheana chun feabhas a chur ar a gcuid institiúidí oideachais threasaigh agus chun nuachóiriú a dhéanamh ar a gcuid córas oiliúna, ní ionann an dul chun cinn atá déanta ar fud na hEorpa ar fad, agus tá difríochtaí móra idir tíortha. Ar an iomlán, is lag i gcónaí an comhar a dhéantar idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach san eolaíocht agus sa teicneolaíocht san Eoraip. Tá sé mar an gcéanna maidir leis an gcomhionannas inscne agus leis na hiarrachtaí a dhéantar mic léinn agus taighdeoirí as áiteanna lasmuigh LET a mhealladh. Faoi láthair, is as tríú tíortha thart ar 20 % de na hiarrthóirí dochtúireachta san Aontas, ach sna Stáit Aontaithe is as áiteanna thar lear thart ar 35 % díobh. Chun an t-athrú sin a chur i bhfeidhm níos sciobtha, ní mór cur chuige straitéiseach ar leibhéal an Aontais a théann thar na teorainneacha náisiúnta a ghlacadh. Is rithábhachtach an cistiú a thugann an tAontas uaidh chun dreasachtaí a chruthú le haghaidh na n-athchóirithe struchtúracha atá riachtanach agus chun iad a spreagadh.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie chun an tsoghluaisteach a chur chun cinn, ar bhonn trasnáisiúnta agus idir na hearnálacha araon, agus chun gairmeacha sa taighde a thosú ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, ar gairmeacha iad a bhfuil deiseanna fostaíochta agus dálaí oibre den scoth ag gabháil leo de réir phrionsabail na Cairte Eorpaí le haghaidh Taighdeoirí agus an Chóid Iompair um Earcú Taighdeoirí. Níl a gcómhaith le fáil sna Ballstáit maidir le scála nó raon feidhme, le cistiú, le gné idirnáisiúnta, le giniúint nó le haistriú eolais. Neartaigh siad acmhainní na n-institiúidí sin atá in ann taighdeoirí idirnáisiúnta a mhealladh agus dá bhrí sin spreag siad ionaid bhairr feabhais a scaipeadh ar fud an Aontais. Tá siad ina n-eiseamláir agus imríonn siad tionchar mór struchtúrach trí bhíthin a ndea-chleachtais a scaipeadh ar leibhéal náisiúnta. Trí bhíthin cur chuige ón mbun aníos a bheith glactha ag gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie, féadfaidh bunáite mór na n-institiúidí sin oiliúint a chur ar ghlúin nua taighdeoirí atá in ann dul i ngleic le dúshlán shochoaíocha, agus feabhas a chur ar a gcuid scileanna.

Trí bhíthin gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie a fhorbairt tuilleadh, rannchuideofar go mór le LET a fhorbairt. Lena struchtúr iomaíoch cistiúcháin a chuimsíonn an Eoraip ar fad, spreagfaidh gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie, agus prionsabal na coimhdeachta á urramú, cineálacha úra, cruthaitheacha agus nuálacha oiliúna amháil dochtúireachtaí comhphárteacha nó iolracha agus dochtúireachtaí tionsclaíocha, lena ngabfaidh lucht nuálaíochta agus oideachais, a chaithfidh dul in iomaíocht ar bhonn domhanda le cáil an bhairr feabhais a bhaint amach dóibh féin. Trí bhíthin cistiú ón Aontas a chur ar fáil do na cláir thaighde agus oiliúna is fearr de réir na bPrionsabal maidir le hoiliúint nuálach dochtúireachta san Eoraip, cuirfidh siad chun cinn leathadh agus glacadh níos leithne, ag bogadh i dtreo oiliúna dochtúireachta níos struchtúrathé.

Cuimseoidh deontais Marie Skłodowska-Curie soghluaisteach shealadach na dtaighdeoirí agus na n-innealtóirí a bhfuil taithí acu ó institiúidí poiblí go dtí an earnáil phríobháideach, nó a mhalairt, rud a spreagfaidh agus a thacóidh le hollscoileanna, le hionaid taighde agus le gnólachtaí, agus le gníomhairí eile socheacnamaíocha chun comhar a dhéanamh le chéile ar scála Eorpach agus ar scála idirnáisiúnta. Trí bhíthin an chórais mheastóireachta atá seabhunaithe, trédhearcach agus cothrom, sainaitheoidh gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie daoine an-tréitheacha a phléann leis an taighde agus leis an nuálaíocht i gcomórtas idirnáisiúnta a thugann aitheantas agus, dá bhrí sin, spreagadh do thaighdeoirí chun a ngairmréim a chur chun cinn san Eoraip.

Ní leis an Eoraip amháin a bhaineann na dúshlán shochoaíocha sin atá le sárú ag lucht T&N a bhfuil ardoiliúint orthu. Is dúshlán idirnáisiúnta iad sin atá ríchasta agus ollmhór. Ní mór do na taighdeoirí is fearr san Eoraip agus sa domhan comhoibriú le chéile trasna tíortha, earnálacha agus disciplíní. Beidh ról tábhachtach ag gníomhaíochtaí Marie Skłodowska Curie sa mhéid sin trí bhíthin tacaíocht a thabhairt chun baill foirne a mhalartú d'fhonn an smaointeoireacht chomhoibrítheach a chothú trí eolas a roinnt ar bhonn idirnáisiúnta agus idir na hearnálacha, rud atá an-tábhachtach don nuálaíocht oscailte.

Beidh meicníocht chomhchistiúcháin na ngníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie ríthábhachtach chun líon na ndaoine tréitheacha san Eoraip a mhéadú. Méadófar an tionchar uimhriúil agus struchtúrach a imríonn gníomhaíocht an Aontais trí bhíthin cistiú réigiúnach, náisiúnta, agus idirnáisiúnta, idir phoiblí agus phríobháideach, a luamhánú chun cláir nua a chruthú a mbeidh spriocanna comhchomhsúla agus comhiomlánacha acu, agus chun cláir reatha a oiriúnú don oiliúint, don tsoghluasteacht agus don fhorbairt gairmréime ar bhonn idirnáisiúnta agus idir na hearnálacha. Déanfaidh sásra den sórt sin an taighde agus an obair san oideachas a cheangal níos dlúithe le chéile.

Rannchuideoidh gach gníomhaíocht faoin dúshlán sin le meon úrnua a chruthú san Eoraip, meon atá riachtanach chun an chruthaitheacht agus an nuálaíocht a bhaint amach. Neartófar le bearta cistiúcháin Marie Skłodowska-Curie comhthiomsú acmhainní san Eoraip agus, dá bhrí sin, cuirfidh siad feabhas ar oiliúint, ar shoghluasteacht agus ar fhorbairt gairmréime na dtaighdeoirí a chomhordú agus a rialú. Rannchuideoidh siad leis na spriocanna beartais a leagtar amach sna tionscnaimh suaitheantais 'an tAontas Nuálaíochta', 'An Óige ag Bogadh' agus 'An Clár do Phoist agus do Scileanna Nua a bhaint amach', agus beidh siad an-tábhachtach chun LET a bhaint amach freisin. Forbrófar gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie mar sin chun dlúthshineirge a bhaint amach le cláir eile a thacaíonn leis na cuspóirí beartais sin, lena n-áirítear clár Erasmus + agus PENanna de chuid EIT.

3.3. *Dul na ngníomhaíochtaí*

(a) Scileanna nua a chothú trí bhíthin oiliúint tosaigh den scoth a chur ar thaighdeoirí

Is é an sprioc glúin nua taighdeoirí cruthaitheacha nuálacha a oiliúint a bheidh in ann eolas agus smaointe a thiontú ina dtáirgí agus ina seirbhísí a rachaidh chun leas eacnamaíoch agus sóisialta an Aontais.

Beidh na nithe seo a leanas ar na gníomhaíochtaí is tábhachtaí a dhéanfar: oiliúint nuálach den scoth a chur ar fáil do thaighdeoirí atá ag tosú ar a ngairmréim ar leibhéal iarchéime trí thionscadail idirdhisciplíneacha, lena n-áirítear meantóireacht chun eolas agus taithí a aistriú idir thaighdeoirí nó trí chláir dhochtúireachta lena gcabhair le taighdeoirí a gcuid gairmréimeanna taighde a fhorbairt a dhéanamh ina mbeidh ollscoileanna, institiúidí taighde, bonneagair taighde, gnólachtaí, FBManna, agus grúpaí socheacnamaíochta eile ó Bhallstáit, ó thíortha comhlachaithe agus/nó ó thríú tíortha páirteach iontu. Cuirfidh sin feabhas ar ionchais ghairmréime na dtaighdeoirí óga iarchéime san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon.

(b) Barr feabhais a chothú trí bhíthin na soghluaisteachta trasteorann agus na soghluaisteachta idir na hearnálacha

Is é an sprioc feabhas a chur ar chumas cruthaitheachta agus nuálaíochta na dtaighdeoirí a bhfuil taithí acu, ar gach leibhéal gairmréime, trí bhíthin deiseanna soghluaisteachta trasteorann agus idir na hearnálacha a chruthú.

Beidh na nithe seo a leanas ar na gníomhaíochtaí is tábhachtaí a dhéanfar: taighdeoirí a bhfuil taithí acu a spreagadh chun a gcuid scileanna a leathnú nó a fheabhsú trí bhíthin na soghluaisteachta, agus déanfar sin trí dheiseanna tarraingteacha gairme a chur ar fáil in ollscoileanna, in institiúidí taighde, i mbonneagair taighde, i ngnólachtaí, i FBManna agus i ngrúpaí socheacnamaíochta eile ar fud na hEorpa agus lasmuigh di. Leis sin, ba cheart go bhfeabhsófaí leibhéal nuálaíochta na hearnála príobháidí agus go gcuirfí soghluaisteacht trasteorann chun cinn. Tabharfar tacaíocht freisin do dheiseanna chun oiliúint a fháil agus chun eolas nua a fháil in institiúid taighde ardleibhéil i dtír, chun gairm sa taighde a atosú tar éis sos a ghlacadh agus chun taighdeoirí a (ath-)lánpháirtíú i bpost taighde níos fadtréimhsí san Eoraip, lena n-áirítear an tír arb as dóibh, tar éis dóibh taithí a fháil ó shoghluasteacht thrasnáisiúnta/idirnáisiúnta lena gcumhdaítear gnéithe fillte agus ath-lánpháirtithe.

(c) An nuálaíocht a spreagadh trí bhíthin eolas a mhalartú

Is é an sprioc an comhar idirnáisiúnta trasteorann agus idir na hearnálacha sa taighde agus sa nuálaíocht a threisiú trí bhíthin pearsanra taighde agus nuálaíochta a mhalartú d'fhonn a bheith in ann dhúshlání dhomhanda níos fearr.

Príomhghníomhaíocht is ea baill foirne T&N a mhalartú idir comhpháirtíocht d'ollscoileanna, d'institiúidí taighde, de bhonneagair taighde, de ghnólachtaí, do FBManna agus de ghrúpaí socheacnamaíochta eile, laistigh den Eoraip agus ar fud an domhain araon. Áireofar leis sin an comhar le tríú tíortha a chothú.

(d) An tionchar struchtúrach a dhéanamh níos mó trí bhíthin na gníomhaíochtaí a chómhaoiniú

Is é an sprioc tionchar uimhriúil agus struchtúrach ghníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie a fheabhsú agus barr feabhais a chothú ar an leibhéal náisiúnta in oiliúint, i soghluaisteacht agus i bhforbairt gairmréime na dtaighdeoirí; agus déanfar sin trí bhíthin cistí sa bhreis a ghíaráil.

Beidh na nithe seo a leanas ar na gníomhaíochtaí is tábhachtaí a dhéanfar: eagraíochtaí réigiúnacha, eagraíochtaí náisiúnta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, idir phoiblí agus phríobháideach, a spreagadh, le cabhair ó shásra cómhaoinithe, chun cláir nua a chruthú agus chun cláir reatha a oiriúnú don oiliúint, don

tsoghluaisteacht agus don fhorbairt gairmréime ar bhonn idirnáisiúnta agus idir na hearnálacha. Leis sin, cuirfear feabhas ar chaighdeán na hoiliúna sa taighde san Eoraip i ngach céim den ghairmréim, lena n-áirítear ar leibhéal na dochtúireachta; cothófar saorchúrsaíocht taighdeoirí agus an eolais eolaíoch san Eoraip; cuirfear gairmréimeanna tarraingteacha sa taighde chun cinn trí bhíthin earcaíocht oscailte agus dálaí tarraingteacha oibre a thairiscint; agus tabharfar tacaíocht don chomhar sa taighde agus sa nuálaíocht idir ollscoileanna, institiúidí taighde agus fiontair, agus don chomhar le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

(e) Tacaíocht shonrach agus gníomhaíocht bheartais

Is iad na spriocanna faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn, bearnaí agus baic i ngníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie a shainaithe, agus tionchar na ngníomhaíochtaí sin a mhéadú. Sa chomhthéacs sin, forbrófar táscairí agus déanfar anailís ar shonraí a bhaineann le soghluaisteacht, le scileanna, le gairmréimeanna na dtaighdeoirí agus le comhionannas inscne, lorgófar sineirgí agus an dlúthchomhar leis na gníomhaíochtaí tacaíochta beartais i dtaca le taighdeoirí, lena gcuid fostóirí agus lena lucht cistiúcháin a dhéanfar faoin gcuspóir sonrach 'An Eoraip i ndomhain atá ag athrú - Sochaithe cuimsitheacha, nuálaíochta agus machnamhacha'. Is éard is aidhm leis an ngníomhaíocht sin freisin an pobal a chur ar an eolas maidir lena thábhachtaí agus lena tharraingtí atá gairmréimeanna sa taighde, agus leathadh a dhéanamh ar thorthaí an taighde agus na nuálaíochta a eascraíonn ón obair a dtacaíonn gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie léi.

4. Bonneagair thaighde

4.1. Cuspóir sonrach

Is é an cuspóir sonrach bonneagair thaighde den scoth a chothú san Eoraip, iad a chur ar fáil do gach taighdeoir san Eoraip agus lasmuigh de, agus leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na mbonneagar sin dul chun cinn agus nuálaíocht a dhéanamh san eolaíocht.

Is gnéithe ríthábhachtacha iad na bonneagair thaighde d'iomáiochas na hEorpa trasna na réimsí eolaíochta ar fad agus tá siad riachtanach chun nuálaíocht atá bunaithe ar an eolaíocht a dhéanamh. I roinnt mhaith réimsí, ní féidir taighde a dhéanamh gan rochtain ar shár-riomhairí, ar shaoráidí anailíseacha, ar fhoinsí radaíochta le haghaidh ábhar nua, ar sheomraí íonghlana agus ardmhéadreolaíocht le haghaidh nanaitheicneolaíochtaí, ar shaotharlanna atá feistithe go speisialta i gcomhair taighde bhítheolaíoch agus mhíochaine, ar bhunachair shonraí le haghaidh na géanómáíochta agus na n-eolaíochtaí sóisialta, ar réadlanna agus braiteoirí le haghaidh na ndomhaneolaíochtaí agus le haghaidh an chomhshaoil, ar líonraí leathanbhanda ardluais chun sonraí a aistriú, etc. Is gá bonneagair thaighde a bheith ann chun an taighde atá ag teastáil le haghaidh a thabhairt ar mhórdhúshlán shochoíochta a dhéanamh. Spreagtar leo an comhar thar theorainneacha agus thar dhisciplíní agus cruthaítear spás Eorpach atá leanúnach agus oscailte le haghaidh an taighde ar líne. Cuirtear soghluaisteacht daoine agus smaointe chun cinn trí bhonneagair thaighde, tugtar le chéile na heolaithe is fearr as áiteanna ar fud na hEorpa agus an domhain, agus cuirtear feabhas ar an oideachas eolaíochta. Tá dúshlán ag baint leo do thaighdeoirí agus do chuideachtaí nuálaíochta ó thaobh teicneolaíochta úrscothach a fhorbairt. Ar an gcaoi sin, neartaítear leo tionscal nuálaíochta ardteicneolaíochta na hEorpa. Gríosaíonn na bonneagair thaighde na comhphobail Eorpacha taighde agus nuálaíochta chun barr feabhais a bhaint amach, agus féadfaidh siad a bheith ina dtaispeántais iontacha den eolaíocht don tsochaí i gcoitinne

Ní mór don Eoraip, i gcomhréir le critéir a chomhaontófar go comhchoiteann, bonn leormhaith agus seasmhach a bhunú chun bonneagair thaighde a thógáil, a chothabháil agus a fheidhmiú más mian léi taighde den scoth a choinneáil ar bun. Chun é sin a dhéanamh, tá gá le comhar substaintiúil éifeachtach idir lucht cistiúcháin náisiúnta, réigiúnach agus ón Aontas féin agus, chuige sin, déanfar iarracht naisc láidre a dhéanamh leis an mbeartas comhtháthaithe d'fhonn sineirgí agus cur chuige comhtháite a áirithiú.

Tugann an cuspóir sonrach sin aghaidh ar ghealltanas bunúsach de chuid tionscnaimh shuaitheanta an Aontais Nuálaíochta, rud a leagann béim ar an ról tábhachtach atá ag na bonneagair thaighde den scoth sa nuálaíocht agus sa taighde ceannródaíoch. Leagtar béim sa tionscnamh ar an ngá atá le hacmhainní a chomhthiomsú san Eoraip, agus i gcásanna áirithe sa domhan mór, d'fhonn bonneagair thaighde a thógáil agus a fheidhmiú. Ar aon bhonn leis sin, leagtar béim sa tionscnamh suaitheanta Clár Oibre Digiteach don Eoraip ar an ngá atá le bonneagair ríomhaireachta na hEorpa a threisiú agus ar a thábhachtaí atá sé braislí nuálaíochta a fhorbairt d'fhonn buntáiste nuálaíochta na hEorpa a neartú.

4.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Tá bonneagair úrscothacha taighde ag éirí níos casta agus níos costasáil, agus is minic is gá trealaimh, seirbhísí agus foinsí difriúla sonraí a chomhtháthú agus comhar fairsing trasnáisiúnta a dhéanamh. Níl a dóthain acmhainní ag aon tír ar leith chun tacaíocht a thabhairt do na bonneagair thaighde go léir a theastaíonn uaithe. Tá dul chun cinn suntasach déanta le blianta beaga anuas leis an gcur chuige Eorpach i leith bonneagar taighde, mar atá, cuireadh chun feidhme agus forbraíodh go leanúnach treochlár an Fhóraitm Straitéisigh Eorpaigh um Bonneagair thaighde (ESFR) le haghaidh bonneagar, rinneadh áiseanna náisiúnta taighde a chomhtháthú agus a oscailt, agus forbraíodh bonneagair ríomhaireachta is bonn agus is taca ag Limistéar Eorpach Taighde digiteach oscailte. Leis na gréasáin de bhonneagair thaighde ar fud na hEorpa, neartaítear an bonn acmhainní daonna trí oiliúint den scoth a chur ar fáil do ghluín nua taighdeoirí agus innealtóirí agus tríd an gcomhar idirdhisciplíneach a chur chun cinn. Déanfar sineirgí le gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie a spreagadh.

Trí bhreis forbartha a dhéanamh ar bhonneagair taighde ar leibhéal na hEorpa agus trí úsáid níos leithne a bhaint astu, rannchuideofar go mór leis an Limistéar Eorpach Taighde a fhorbairt. Cé go bhfuil ról lárnach ag na Ballstáit i gcónaí i bhforbairt agus i maoiniú bonneagar taighde, is tábhachtach freisin an pháirt a ghlacann an tAontas i dtacaíocht a thabhairt don bhonneagar ar leibhéal na hEorpa, amhail comhardú maidir le bonneagair taighde Eorpacha a spreagadh trí theacht chun cinn áiseanna nua agus comhtháite a chothú, trí rochtain leathan ar bhonneagair náisiúnta agus Eorpacha a chur ar fáil agus trí thacú leis an rochtain sin, trína áirithiú go mbíonn na beartaí réigiúnacha, náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta comhsheasmhach le chéile agus éifeachtach. Is gá dúbláil agus ilroinnt iarrachtaí a sheachaint, úsáid éifeachtach agus chomhordaithe na n-áiseanna a chothú, agus, i gcás inarb iomchuí, acmhainní a chomhthiomsú ionas go bhféadfaidh an Eoraip bonneagair taighde a fháil agus a fheidhmiú ar leibhéal den scoth.

Trí bhíthin TFC tá an eolaíocht athraithe ó bhonn trí chian-chomhoibriú, trí ollphróiseáil sonraí, trí thurgnamh in-silico agus trí rochtain ar chianacmhainní a chumasú. Dá bhrí sin éiríonn an taighde níos trasnáisiúnta agus níos idirdhisciplíní, rud a éilíonn úsáid bhonneagar TFC atá fornáisiúnta amhail an eolaíocht féin.

Leis na héifeachtúlachtaí scála agus réimse atá bainte amach leis an gcur chuige Eorpach i leith bonneagar taighde, lena n-áirítear bonneagair ríomhaireachta, a thógáil, a úsáid agus a bhainistiú, rannchuideofar go mór le feabhas a chur ar chumas na hEorpa chun taighde agus nuálaíocht a dhéanamh agus chun an tAontas a dhéanamh níos iomaíche ar an leibhéal idirnáisiúnta.

4.3. *Dul na gníomhaíochtaí*

Beidh sé mar aidhm ag na gníomhaíochtaí forbairt a dhéanamh ar na bonneagair taighde Eorpacha le haghaidh na bliana 2020 agus ina dhiaidh sin, a n-acmhainneacht chun nuálaíochta agus a n-acmhainní daonna a chothú, agus an beartas Eorpach maidir le bonneagair taighde a threisiú.

(a) Bonneagair taighde Eorpacha a fhorbairt le haghaidh na bliana 2020 agus ina dhiaidh sin

An aidhm a bheidh ann is ea gníomhaíochtaí a bhaineann leis na nithe seo a leanas a éascú agus tacaíocht a thabhairt dóibh: (1) bonneagair taighde de chuid ESFRI agus bonneagair eile den scoth a ullmhú, a chur chun feidhme, agus a oibriú, lena n-áirítear áiseanna comhpháirtíochta réigiúnaí a fhorbairt, nuair is ann do bhreisluaich láidir d'idirghabháil ón Aontas; (2) rochtain thrasnáisiúnta ar bhonneagair taighde náisiúnta agus réigiúnacha a bhfuil leas Eorpach iontu agus iad a chomhtháthú, ionas go mbeidh eolaithe Eorpacha in ann iad a úsáid, beag beann ar an áit ina bhfuil siad, chun taighde ardleibhéil a dhéanamh; (3) r-bhonneagair a fhorbairt, a imscaradh agus a oibriú chun cumas ceannródaíoch i líonrú, i ríomhaireacht agus i sonraí eolaíoch a áirithiú sa domhan mór.

(b) Acmhainneacht nuálaíochta na mbonneagar taighde agus a n-acmhainní daonna a chothú

Beidh sé mar aidhm na nithe seo a leanas a bhaint amach: bonneagair taighde a spreagadh chun glacadh le teicneolaíocht úr go luath nó chun bheith ina bhforbróirí ceannródaíochta maidir leis an teicneolaíocht, comhpháirtíochtaí taighde agus forbartha le hearnáil na tionsclaíochta a chur chun cinn, úsáid thionsclaíoch na mbonneagar taighde a éascú, agus cruthú braislí nuálaíochta a spreagadh. Leis an ngníomhaíocht sin, tabharfar tacaíocht d'oiliúint agus/nó do mhalartú ball foirne a bhainistíonn nó a fheidhmíonn bonneagair taighde.

(c) An beartas Eorpach maidir le bonneagair taighde agus an comhar idirnáisiúnta a threisiú

Beidh sé mar aidhm tacaíocht a thabhairt do chomhpháirtíochtaí idir lucht déanta beartas iomchuí agus na comhlachtaí cistiúcháin iomchuí, mapáil agus faireachán a dhéanamh ar uirlisí cinnteoireachta agus ar ghníomhaíochtaí comhair idirnáisiúnta freisin. Féadfar tacú le bonneagair taighde Eorpacha ina ngníomhaíochtaí a bhaineann le caideamh idirnáisiúnta.

Coinneofar leis na cuspóirí a leagtar amach faoi líntí gníomhaíochta (b) (c) trí ghníomhaíochtaí tiomnaithe, agus trí na gníomhaíochtaí eile a fhorbrófar faoi líne ghníomhaíochta (a) nuair is iomchuí.

CUID II

CEANNAIREACHT THIONSCLAÍOCH

1. **An cheannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíochta**

Is é an cuspóir sonrath cothabháil agus forbairt a dhéanamh ar an gceannaireacht dhomhanda tríd an taighde agus tríd an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus spáis, ábhair atá mar bhonn is mar thaca leis an iomaíochas thar réimse tionscal agus earnálacha, idir chinn reatha agus chinn atá ag teacht chun cinn.

Tá athrú ag teacht go mear ar thimpeallacht an ghnó dhomhanda agus tá idir dhúshláin agus dheiseanna don tionscal Eorpach ag gabháil le cuspóirí Eoraip 2020 chun fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a bhaint amach. Ní mór don Eoraip dlús a chur leis an nuálaíocht chun an t-eolas a ghintear a thiontú ina bhonn agus ina thaca le haghaidh táirgí, seirbhísí agus margaí reatha agus feabhas a chur ar na nithe sin; agus cinn nua a chruthú, ag díriú isteach i gcónaí ar cháilíocht agus inbhuanaitheacht. Ba cheart leas, sa chiall is leithne den fhocal sin, a bhaint as an nuálaíocht, ní amháin chun críche na teicneolaíochta ach chun gnéithe gnó, eagrúcháin agus sóisialta a áireamh freisin.

Chun fanacht i dtús cadhnaíochta maidir leis an iomaíochas domhanda a bhfuil bonn láidir teicneolaíochta faoi agus acmhainneacht mhór thionsclaíoch ann, ní mór tuilleadh infheistíochta straitéisí a dhéanamh sa taighde, san fhorbairt, sa bhailíochtú, agus i scéimeanna píolótacha i dteicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide; i nanaitheicneolaíochtaí; in ábhair shárthforbartha; sa bhiteicneolaíocht; san ardmhonaraíocht agus san ardphróiseáil; agus i gcúrsaí spáis.

Is tábhachtach go bhfaighidh earnáil tionsclaíochta na hEorpa máistreacht ar theicneolaíochtaí cumasúcháin agus go n-úsáidfidh sí iad agus go gcomhtháthódh sí iad chun feabhas a chur ar tháirgiúlacht agus ar acmhainneacht nuálaíochta na hEorpa, agus chun a áirithiú go mbeidh na nithe seo a leanas ag an Eoraip: geilleagar atá sárthforbartha, inbhuanaithe agus iomaíoch, ceannaireacht dhomhanda ar na hearnálacha ardteicneolaíochta cur chun feidhme, agus an cumas chun réitigh éifeachtacha agus inbhuanaithe ar dhúshláin shochoaíochta a fhorbairt. Toisc a leithéid sin de ghníomhaíochtaí a bheith forleatach, is féidir tuilleadh dul chun cinn a spreagadh leo trí bhíthin aireagán, feidhmeanna agus seirbhísí a chomhlánaíonn a chéile, rud a áiritheoidh toradh níos airde ar infheistíocht sna teicneolaíochtaí sin ná mar a gheofaí in aon réimse eile.

Leis na gníomhaíochtaí sin, rannchuideofar le spriocanna na dtionscnamh suaitheanta "Aontas Nuálaíochta", "Eoraip atá tíosach ar Acmhainní", "Beartas Tionsclaíoch do Ré an Domhandaithe", agus "Clár Oibre Digiteach don Eoraip" de chuid straitéisí Eoraip 2020 a bhaint amach, chomh maith le spriocanna bheartas an Aontais maidir leis an spás a bhaint amach.

Comhlántachtaí le gníomhaíochtaí eile in "Fís 2020"

Beidh na gníomhaíochtaí a liostaítear faoin gcuspóir sonracha 'An Cheannaireacht i dTeicneolaíochtaí Cumasúcháin agus Tionsclaíochta' bunaithe go príomha ar chláir taighde agus nuálaíochta a shaineofar trí rannpháirtíocht earnáil na tionsclaíochta agus na hearnála gnó, lena n-áirítear FBManna in éineacht leis an gcomhphobal taighde agus leis na Ballstáit ar bhealach oscailte agus trédhearcach, agus beidh siad dírithe go mór ar infheistiú ón earnáil phríobháideach a ghairáil agus ar an nuálaíocht.

Tabharfar tacaíocht do theicneolaíochtaí cumasúcháin a chomhtháthú i réitigh ar dhúshláin shochoaíochta, mar aon leis na dúshláin ábhartha féin. Maidir le cur i bhfeidhm na dteicneolaíochtaí cumasúcháin nach rangáitear faoi na dúshláin shochoaíochta ach atá tábhachtach d'iomaíochas earnáil tionsclaíochta na hEorpa, tacófar leo siúd faoi 'An Cheannaireacht i dTeicneolaíochtaí Cumasúcháin agus Tionsclaíochta'. Ba cheart comhordú iomchuí a lorg leis na tosaíochtaí 'Eolaíocht den Scoth' agus 'Dúshláin Shochoaíochta'.

Cur chuige comhchoiteann

Aireofar leis an gcur chuige gníomhaíochtaí atá dírithe ar chláir oibre agus réimsí atá níos oscailte araon chun tionscadail nuálacha agus réitigh cheannródaíochta a chur chun cinn, lena gcumhdaítear an slabhra luach iomlán, lena n-áirítear taighde agus forbairt, mórghníomhaíochtaí píolótacha agus taispeántais, trialacha sábháilte agus saotharlanna beo, fréamhshamhaltú agus táirgí a bhailíochtú i línte píolótacha. Ceapfar na gníomhaíochtaí chun an t-iomaíochas tionsclaíoch a dhéanamh níos fearr tríd an tionsclaíocht a spreagadh, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, le breis infheistíochta a dhéanamh sa taighde agus sa nuálaíocht, lena n-áirítear trí iarrataí oscailte. Díreofar go leordhóthanach ar thionscadail mhionscála agus mheánscála.

Cur chuige comhtháite i leith Eochairtheicneolaíochtaí Cumasúcháin

Is gné thábhachtach den chuspóir sonracha 'An Cheannaireacht i dTeicneolaíochtaí Cumasúcháin agus Tionsclaíochta' iad na hEochairtheicneolaíochtaí Cumasúcháin (ETCanna), a sainítear mar an mhicrileictreonaic, an nanaileictreonaic, an fhótónaic, an nanaitheicneolaíocht, an bhiteicneolaíocht, ábhair shárthforbartha agus córais ardmhonaraíochta⁽¹⁾. Trasnaíonn na teicneolaíochtaí sin atá ildisciplíneach agus atá dian ar eolas agus ar chaipiteal cuid mhaith eárnálacha éagsúla, agus is leo siúd a fhéadfaidh buntáiste iomaíoch mór a bheith ag earnáil tionsclaíochta na hEorpa, chun fás a spreagadh agus chun poist nua a chruthú. Trí chur chuige comhtháite a ghlacadh ina gcuirtear chun cinn ETCanna a chónascadh, a chóineasú agus a mhalartú i dtimthriallta difriúla nuálaíochta agus i slabhraí luacha, is féidir torthaí taighde a bhfuil gealladh fúthu a bhaint amach agus an bealach a réiteach le haghaidh teicneolaíochtaí tionsclaíochta nua, táirgí, seirbhísí agus feidhmeanna núíosacha (e.g. i gcúrsaí spáis, iompair, talmhaíochta, iascaigh, foraoiseachta, comhshaoil, bia, sláinte agus fuinnimh). Dá bhrí sin bainfead leas as an iomad idirghníomhaíochtaí a ghabhann le ETCanna agus le teicneolaíochtaí cumasúcháin tionsclaíochta eile ar bhealach solúbtha, mar fhoinse thábhachtach nuálaíochta. Comhlánóidh an méid sin tacaíocht don taighde agus don nuálaíocht in ETCanna a fhéadfaidh údarais náisiúnta nó réigiúnacha a sholáthar faoi Chistí an Bheartais Chomhtháthaithe faoi chuimsiú straitéisí um speisialtóireacht chliste.

Ceanglaítear iarrachtaí níos fearr i dtaighde trasteicneolaíochta le nuálaíocht. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh tionscadail ildisciplíneacha agus il-ETC mar bhunchuid den tosaíocht 'Ceannaireacht Thionsclaíoch'. Le struchtúr cur chun feidhme 'Fís 2020' lena dtugtar tacaíocht d'ETCanna agus do ghníomhaíochtaí trasnaí ETC (il-ETCanna), ba cheart go n-áiritheofaí sineirgí agus comhordú éifeachtach, i measc nithe eile, le dúshláin shochoaíochta. Ina theannta sin, lorgófar sineirgí, i gcás inarb iomchuí, idir gníomhaíochtaí ETC agus na gníomhaíochtaí faoi chreat an Bheartais Chomhtháthaithe do na blianta 2014-2020, mar aon le EIT.

⁽¹⁾ COIM(2009)0512.

Le haghaidh na dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíochta ar fad, lena n-áirítear na ETCanna, beidh sé mar mhóraidhm idirghníomhaíochtaí idir na teicneolaíochtaí, agus leis na feidhmeanna faoi na dúshláin shochoíochta, a chothú. Cuirfear é sin ar fad san áireamh agus na cláir oibre agus na tosaíochtaí á bhforbairt agus á gcur chun feidhme. Chuige sin, tá sé riachtanach go nglacfaidh geallsealbhóirí a ionadaíonn do na peirspictíochtaí éagsúla páirt iomlán sna tosaíochtaí a shocrú agus a chur chun feidhme. I gcásanna áirithe, beidh gá freisin le gníomhartha a chomhaoinítear in éineacht leis na teicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíochta, agus leis na dúshláin shochoíochta ábhartha. D'fhéadfaí a áireamh leis sin cómhaoiniú do chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí arb éard is aidhm dóibh teicneolaíochtaí a fhorbairt agus an nuálaíocht a chothú agus teicneolaíochtaí den sórt sin a chur i bhfeidhm d'fhonn aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochoíochta.

Tá ról tábhachtach ag TFC toisc go gcuireann sí na bonneagair, na teicneolaíochtaí agus na córais bhunúsacha is tábhachtaí ar fáil le haghaidh próiseas eacnamaíoch agus sóisialta atá ríthábhachtach, chomh maith le táirgí agus seirbhísí nua, idir phríobháideach agus phoiblí. Ní mór d'earnáil tionsclaíochta na hEorpa fanacht i dtús cadhnaíochta sna forbairtí teicneolaíochta in TFC, réimse ina bhfuil go leor teicneolaíochtaí ag éirí suaite, rud a chruthaíonn deiseanna nua.

Is earnáil faoi fhás mear é an spás agus tugann sé faisnéis ríthábhachtach do go leor réimsí den tsochaí chomhaimseartha: sásaíonn sé a cuid éileamh bunúsach, téann sé i ngleic le ceisteanna uilíochta eolaíochta, agus cabhraíonn sé le stádas an Aontais mar mhórgníomhaí idirnáisiúnta a dhaingniú. Tá an taighde ar chúrsaí spáis mar bhonn is mar thaca le gach gníomhaíocht a dhéantar sa spás, ach faoi láthair tugtar aghaidh air i gcláir atá á reáchtáil ag Ballstáit, ag Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (GSE) nó i gcomhthéacs Chreatchlár AE le haghaidh taighde. Ní foláir leanúint le hinfeistíocht agus le gníomhaíocht a dhéanamh i dtaighde ar chúrsaí spáis ar leibhéal an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 189 CFAE chun bheith iomaíoch i gcónaí; chun bonneagair agus cláir spáis an Aontais, amháil Copernicus agus Galileo a chosaint; agus d'fhonn a áirithiú go mbeidh ról ag an Aontas i gcúrsaí spáis sa todhchaí.

Ina theannta sin, is foinse thábhachtach fais agus fostaíochta iad na seirbhísí agus na feidhmeanna nuálacha iartheachacha soláimhsithe ina n-úsáidtear an fhaisnéis a eascraíonn ón earnáil sin agus is deis thábhachtach a bheidh ina bhforbairt don Aontas.

An chomhpháirtíocht agus an bhreisluach

Féadfaidh an Eoraip mais chriticiúil a bhaint amach tríd an gcomhpháirtíocht, trí bhraisilí agus trí ghréasáin, tríd an gcaighdeánú, agus tríd an gcomhar a chur chun cinn idir disciplíní agus earnálacha difriúla san eolaíocht agus sa teicneolaíocht a bhfuil na riachtanais chéanna taighde agus forbartha orthu, chun talamh úr a bhriseadh, teicneolaíochtaí úra, agus réitigh nuálacha táirge, seirbhíse agus próisis a cheapadh.

Cláir taighde agus nuálaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha, ach freisin trí naisc éifeachtacha a dhéanamh idir an earnáil acadúil agus earnáil na tionsclaíochta, gearráil infheistíochtaí breise, rochtain a bheith ar mhaoiniú riosca, caighdeánú a dhéanamh ar an soláthar réamhthráchtálach agus tacaíocht a thabhairt dó, agus táirgí agus seirbhísí nuálacha a sholáthar: is gnéithe riachtanacha iad sin go léir chun aghaidh a thabhairt ar an iomaíochas.

I dtaca leis sin de, bíonn naisc láidre le EIT de dhíth chun daoine atá tréitheach san fhiontraíocht a tháirgeadh agus a chur chun cinn agus chun dlús a chur leis an nuálaíocht trí dhaoine as tíortha, as disciplíní agus as eagraíochtaí difriúla a thabhairt le chéile.

Trí chomhar a dhéanamh ar leibhéal an Aontais, is féidir tacaíocht a thabhairt do dheiseanna trádála trí chaighdeán Eorpacha nó idirnáisiúnta a fhorbairt le haghaidh táirgí agus seirbhísí agus teicneolaíochtaí úra atá ag teacht chun cinn. D'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith ag caighdeán den sórt sin a fhorbairt tar éis dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear geallsealbhóirí ó earnáil na heolaíochta agus na tionsclaíochta. Cuirfear chun cinn gníomhaíochtaí a thacaíonn leis an gcaighdeánú agus leis an idir-inoibritheacht, leis an tsábháilteacht agus le gníomhaíochtaí réamhrialála.

1.1. Teicneolaíochtaí na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC)

1.1.1. Cuspóir sonracha do TFC

De réir tionscnamh suaitheantais an Chláir Oibre Dhigitigh don Eoraip ⁽¹⁾, is é an cuspóir sonracha atá le taighde agus le nuálaíocht in TFC cur ar a cumas don Eoraip tacú leis na deiseanna ag eascairt ón dul chun cinn in TFC, iad a fhorbairt agus leas a bhaint astu, chun sochar na saoránach, na ngnólachtaí agus na gcomhphobal eolaíochtaí.

⁽¹⁾ COIM(2010)0245.

Agus í ar an ngeilleagar is mó ar domhan agus an cion is mó de mhargadh TFC aici (is mo a luach ná EUR 2 600 billiún inniu), ba cheart go mbeadh uailmhianta ag an Eoraip go mbeidh a cuid gnólachtaí, rialtas, ionad taighde agus forbartha agus ollscoileanna mar cheannairí i bhforbairtí Eorpacha agus domhanda in TFC, iad ag cothú gnólachtaí nua agus ag déanamh níos mó infheistíochtaí i nuálaíochtaí a bhaineann le TFC.

Faoin mbliain 2020, ba cheart d'earnáil TFC na hEorpa ar a laghad méid coibhéseach lena cion de mhargadh domhanda TFC a sholáthar; faoi láthair is ionann an cion sin agus aon trian den mhargadh. Ba cheart don Eoraip freisin gnólachtaí nuálacha in TFC a chothú ionas gurb iad cuideachtaí a bunaíodh le fiche bliain anuas a dhéanfaidh aon trian den infheistíocht gnóthas ar fad i dtaighde agus i bhforbairt in TFC san Aontas, b'fhíú EUR 35 billiún an méid sin sa bhliain 2011. Chuige sin, theastódh méadú ar infheistíochtaí poiblí i dtaighde agus i bhforbairt in TFC ar bhealaí ina ndéanfaí an caiteachas príobháideach a ghíaráil, i dtreo na sprice chun infheistíochtaí a fhairsingiú sna deich mbliana atá romhainn, agus méadú mór a dhéanamh ar líon na n-ionad Eorpach agus na mbraislí Eorpacha a bhfuil barr feabhais bainte amach acu in TFC.

Chun máistreacht a fháil ar theicneolaíocht agus ar shlabhraí gnóthais atá ag éirí níos casta agus níos ildisciplíní in TFC, teastaíonn an chomhpháirtíocht, rioscaí a roinnt agus mais chriticiúil a shlógadh ar fud an Aontais. Trí ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, ba cheart go gcuideofaí le hearnáil na tionsclaíochta aghaidh a thabhairt ar pheirspectíocht an mhargaidh aonair agus barainneachtaí scála agus réimse a bhaint amach. Leis an gcomhar atá dírithe ar chomhchlár oibre theicneolaíochta atá oscailte agus a mbíonn iarmhairtí agus tionchair ghíarála acu, féadfaidh réimse leathan de gheallsealbhóirí leas a bhaint as forbairtí nua agus nuálaíochtaí eile a chruthú. Le comhpháirtíocht ar leibhéal an Aontais, is féidir comhdhearcaidh a shocrú, pointe fócasach soiléir a bhunú do na comhpháirtithe idirnáisiúnta, agus tacófar le forbairt a dhéanamh ar chaighdeáin agus ar réitigh chomh-inoibritheacha san Aontas agus ar fud an domhain araon.

1.1.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Tá TFC mar bhonn is mar thaca ag an nuálaíocht agus ag an iomaíochas trasna réimse leathan de mhargaí agus d'earnálacha príobháideacha agus poiblí, agus is trína mbíthin is féidir dul chun cinn eolaíoch a dhéanamh sna disciplíní ar fad. In imeacht na ndéich mbliana atá romhainn amach, is soiléire fós a bheidh an tionchar a imreoidh na teicneolaíochtaí digiteacha, na gnéithe, na bonneagair agus na seirbhísí a bhaineann le TFC ar gach réimse den saol. Leanfaidh acmhainní ríomhaireachta, cumarsáide agus stórála sonraí de bheith ag fáil leathantais sna blianta atá le teacht. Ginfidh braiteoirí, meaisíní agus táirgí atá feabhsaithe-le-faisnéis, ollmhéideanna faisnéise agus sonraí, lena n-áirítear faisnéis agus sonraí fíor-ama, rud a fhágann go mbeidh sé coitianta gníomhaíocht a dhéanamh i bhfad ón láthair, go bhféadfar próisis ghnó agus láithreáin táirgthe inbhuanaithe a úsáid ar fud an domhain lena bhféadfar réimse leathan de sheirbhísí agus d'fheidhmeanna a chruthú.

Is trí TFC a sholáthrófar cuid mhaith seirbhísí tráchtála agus poiblí riachtanacha, agus gach próiseas táirgthe faisnéise tábhachtach san eolaíocht, san fhoghlaim, sa ghnó agus in earnáil an chultúir agus in earnáil na cruthaitheachta chomh maith leis an earnáil phoiblí, agus beidh rochtain níos éasca orthu dá bhrí sin. Is trí TFC a sholáthrófar an bonneagar criticiúil le haghaidh próiseas táirgthe agus gnó, na cumarsáide agus idirbheart. Beidh TFC riachtanach freisin chun tabhairt faoi na dúshláin shochoaíocha is tábhachtaí, chomh maith leis na próisis shochoaíocha amháil comhphobail a eagrú, iompar na dtomhaltóirí, rannpháirtíocht pholaitiúil agus an pobal a rialú, mar shampla trí bhíthin na meán sóisialta agus ardáin agus uirlisí comhchoiteanna feasachta. Tá sé rithábhachtach go gcomhtháthófar agus go dtacófar le taighde atá bunaithe ar pheirspectíocht an úsáideora d'fhonn réitigh iomaíocha a fhorbairt.

Leis an tacaíocht a thugann an tAontas don taighde agus don nuálaíocht in TFC, cuidítear go suntasach leis na teicneolaíochtaí agus na feidhmeanna den chéad ghlúin eile a fhorbairt, óir is cuid mhór d'iomlán an chaiteachais ar an taighde agus ar an nuálaíocht chomhoibrítheach meánriosca agus ardriosca san Eoraip í. Go dtí seo, is riachtanach an infheistíocht phoiblí a rinneadh i dtaighde agus i nuálaíocht in TFC ar leibhéal an Aontais, agus is mar sin atá go fóill, chun an mhais chriticiúil a spreagadh chun talamh úr a bhriseadh, chun réitigh, táirgí agus seirbhísí nuálacha a chur chun cinn agus chun úsáid níos fearr a bhaint astu. Tá ról tábhachtach aici go fóill i gclár oibre oscailte agus teicneolaíochtaí is infheidhme ar fud an Aontais a fhorbairt, i nuálaíochtaí a thástáil agus a phiolótú i bhforthosca pan-Eorpacha agus san úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní nuair atá aghaidh á tabhairt ar iomaíochas an Aontais agus le dúshláin shochoaíocha choitianta. Tríd an tacaíocht a thugann an tAontas don taighde agus don nuálaíocht in TFC, féadfaidh frontair teicneolaíochta bheaga agus mheánmhéide fás agus leas a bhaint as méid na margáí ar fud an Aontais. Leis an tacaíocht sin, táthar ag neartú an chomhair agus an fheabhais idir eolaithe agus innealtóirí an Aontais, ag treisiú sineirgí leis na buiséid náisiúnta agus eatarthu, agus ag gníomhú mar phointe fócasach le haghaidh an chomhair le comhpháirtithe as áiteanna lasmuigh den Eoraip.

Sna meastóireachtaí leantacha a rinneadh ar ghníomhaíochtaí TFC i sa Seachtú Clár Réime, léiríodh gur rithábhachtach an infheistíocht a díriodh ar an taighde agus ar an nuálaíocht in TFC agus a rinneadh ar leibhéal an Aontais chun an cheannaireacht thionsclaíoch a chothú i réimsí amháil an chumarsáid mhóibíleach, córais TFC a bhraitheann ar an tsábháilteacht, agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amháil éifeachtúlacht fuinnimh, an tsláinte, sábháilteacht an tsoláthair bia, an t-iompar nó an t-athrú déimeagrafach. Trí infheistíochtaí ón Aontas i mbonneagair thaighde TFC, cuireadh na háiseanna taighde, líonraithe agus ríomhaireachta is fearr ar domhan ar fáil do thaighdeoirí Eorpacha.

1.1.3. Dul na gníomhaíochtaí

Trí roinnt línte gníomhaíochta, díreofar ar dhúshlán a bhaineann leis an gceannaireacht thionsclaíoch agus theicneolaíoch in TFC, agus cumhdófar cláir chineálacha le haghaidh taighde agus nuálaíochta in TFC, lena n-áirítear go háirithe na nithe seo a leanas:

- (a) Glúin nua comhpháirteanna agus córais: Comhpháirteanna agus córais atá sárthorbartha, leabaithe agus tíosach ar fhuinneamh agus ar acmhainní a cheapadh;
- (b) An ríomhaireacht den chéad ghlúin eile: Córais agus teicneolaíochtaí ríomhaireachta atá sárthorbartha agus slán, lena n-áirítear néalríomhaireacht;
- (c) An tídirlíon don Todhchaí:bogearra, cruu-earra, bonneagair, teicneolachtaí agus seirbhísí;
- (d) Teicneolaíochtaí inneachair agus bainistíocht faisnéise: TFC le haghaidh ábhar digiteach agus le haghaidh tionscail na cruthaitheachta agus an chultúir;
- (e) Comhéadain shárthorbartha agus róbait: róbataic agus spásanna cliste;
- (f) An mhicrileictreonaic, an nanaileictreonaic agus an fhótónaic: Eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin a bhaineann leis an micrileictreonaic, leis an nanaileictreonaic agus leis an bhfótónaic lena gcumhdaítear teicneolaíochtaí candamacha freisin.

Táthar ag súil go gcumhdófar an réimse iomlán riachtanas leis na sé mhórlíne ghníomhaíochta sin, agus iomaíochas earnáil thionsclaíochta na hEorpa ar fud an domhain á chur san áireamh. D'áireofaí leo sin an ceannaireacht thionsclaíoch i réitigh chineálacha atá bunaithe ar TFC, táirgí agus seirbhísí atá riachtanach chun dul i ngleic le mórdhúshlán shochoaíoch, chomh mhaithe le cláir thaighde agus nuálaíochta in TFC atá dírithe ar fheidhmeanna a dtacófar leo in éineacht leis an dúshlán sochoaíoch iomchuí. I bhfianaise an dul chun cinn ar an teicneolaíocht i ngach réimse den saol a bhíonn ag dul i méid i gcónaí, beidh an idirghníomhaíocht idir daoine agus teicneolaíocht tábhachtach i leith an méid sin, agus beidh sé mar chuid de thaighde TFC thuasluaite atá dírithe ar fheidhmeanna.

Áireofar leis na sé líne ghníomhaíochta sin freisin bonneagair thaighde a bhaineann le TFC go sonrach amhail saotharlanna beo le haghaidh turgnamh, agus bonneagair le haghaidh eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin bunúsacha agus iad a chomhtháthú i dtáirgí sárthorbartha agus i gcórais chliste nuálacha, lena n-áirítear trealamh, uirlisí, seirbhísí tacaíochta, seomraí íonghlana, agus rochtain ar theilgcheartaí chun fréamhshamhaltú a dhéanamh.

Tacóidh Fís 2020 le córais taighde agus forbartha agus cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha á n-urramú go hiomlán acu agus go háirithe a gceart chun príobháideachais.

1.2. Nanaitheicneolaíochtaí

1.2.1. Cuspóir sonrach le haghaidh nanaitheicneolaíochtaí

Is é cuspóir sonrach an taighde agus na nuálaíochta nanaitheicneolaíochtaí ceannaireacht an Aontais a áirithiú sa mhargadh domhanda seo ina bhfuil ardcumas fáis, trí dhul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíoch agus infheistíocht i nanaitheicneolaíochtaí a spreagadh agus an glacadh atá leo i dtáirgí agus i seirbhísí ard-bhreisluaicha, iomaíochta ar fud raon feidhmeanna agus earnálacha.

Faoi 2020, beidh nanaitheicneolaíochtaí á bpríomhshruthú, is é sin le rá go mbeidh siad comhtháite go leanúnach leis an gcuid is mó de na teicneolaíochtaí agus de na feidhmeanna, a spreagfar le sochair don tomhaltóir, le cáilíocht saoil, le cúram sláinte, le forbairt inbhuanaithe agus leis an bhféidearthacht láidir thionsclaíoch chun réitigh a bhaint amach, nárbh ann dóibh roimhe sin, i dtaca le táirgiúlacht agus tíosacht acmhainní.

Ina theannta sin, ní mór don Eoraip an tagarmharc domhanda a shocrú maidir le himscaradh na nanaitheicneolaíochta ar bhonn sábháilte agus freagrach, agus maidir le rialachas ina leith lena n-áirítear sochair mhóra ar bhonn tionsclaíoch agus tionchar sochoaíoch i gceangal le hardchaighdeán sábháilteachta agus inbhuanaitheachta.

Is ionann táirgí ina n-úsáidtear nanaitheicneolaíochtaí agus margadh domhanda nach acmhainn don Eoraip neamhaird a thabhairt air. Tá meastacháin an mhargaidh maidir le luach na dtáirgí ina n-ionchorprófar nanaitheicneolaíocht mar phríomh-chomhpháirt chomh hard le EUR 700 billiún faoi 2015 agus EUR 2 thrilliún faoi 2020, lena mbainfidh idir 2 agus 6 mhilliún post faoi seach. Ba cheart do chuideachtaí nanaitheicneolaíochta na hEorpa an fás dédhigiteach sin ar an margadh a shaothrú agus a bheith ábalta sciar den mhargadh cothrom le sciar na hEorpa de chistiú taighde domhanda (i.e. ceathrú cuid) a ghabháil faoi 2020.

1.2.2. Réasúnaíocht agus breisluch an Aontais

Is speictream de theicneolaíochtaí atáthar a fhorbairt i gcónaí iad nanaitheicneolaíochtaí, lena mbaineann féidearthacht chruthaithe, a bhfuil tionchar réabhlóideach acu ar an méid seo a leanas; m.sh. ábhair, TFC, soghluaisteacht iompair, eolaíochtaí saoil, cúram sláinte (lena n-áirítear cóireáil), earraí tomhaltóra agus monaraíocht a luaithe a dhéantar táirgí ceannródaíochta atá inbhuanaithe agus iomaíoch agus próisis tháirgthe cheannródaíochta as an taighde.

Tá ról rithábhachtach ag nanaitheicneolaíochtaí maidir le freastal a dhéanamh ar na dúshláin a shainaithear sa straitéis Eoraip 2020 maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach. Cuirfidh imscaradh rathúil na n-eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin seo le hiomaíochas thionscal an Aontais trí tháirgí úrnua agus feabhsaithe nó próisis níos éifeachtaí a chumasú agus freagairt a chur ar fáil ar dhúshláin shochoíocha sa lá atá inniu ann agus sa todhchaí.

Tá an cistiú taighde domhanda le haghaidh nanaitheicneolaíochtaí dúbailte ó thuairim agus EUR 6.5 billiún in 2004 go tuairim agus EUR 12.5 billiún in 2008, agus ceathrú den mhéid sin ag teacht ón Aontas. Tá ceannaireacht taighde aitheanta ag an Aontas i naineolaíochtaí agus i nanaitheicneolaíochtaí agus réamh-mheastar go mbeidh 4 000 cuideachta sna réimsí siúd san Aontas faoi 2015. Ní mór an cheannaireacht taighde sin a choinneáil agus a fhairsingiú agus a aistriú le go mbainfear leas praiticiúil aisti agus le go ndéanfar tráchtálú uirthi.

Ní mór don Eoraip a staid sa mhargadh domhanda a dhaingniú agus a fhorbairt anois trí chomhar forleathan a chur chun cinn i slabhraí luacha éagsúla agus trasna slabhraí luacha éagsúla agus idir earnálacha tionsclaíocha éagsúla chun táirgí tráchtála sábháilte, inbhuanaithe agus inmharthana a dhéanamh de phróiseas méadaithe ó scálú na dteicneolaíochtaí sin. Tá saincheistanna an mheasúnaithe agus an bhainistithe riosca mar aon le rialachas freagrach ag teacht chun cinn mar fhachtóirí cinntitheacha maidir le tionchar nanaitheicneolaíochtaí sa todhchaí ar an tsochaí, ar an gcomhshaol agus ar an ngeilleagar.

Ar an gcaoi sin, beidh fócas na ngníomhaíochtaí ar fheidhmiú nanaitheicneolaíochtaí sa gheilleagar ar bhonn forleathan, freagrach agus inbhuanaithe chun sochair lena mbaineann tionchar ard sochaíoch agus tionsclaíoch a chumasú. D'fhonn na deiseanna féideartha a áirithiú, lena n-áirítear cuideachtaí nua a chur ar bun agus poist nua a ghiniúint, ba cheart go gcuirfí na huirlisí riachtanacha ar fáil trí tháirgí ionas gur féidir caighdeánú agus rialú a chur chun feidhme i gceart.

1.2.3. Dul na ngníomhaíochtaí

- (a) An chéad ghlúin eile de nana-ábhair, de nanaifheistí agus de nanachórais a fhorbairt

Díríú ar tháirgí atá nua ó bhonn lena gcumasófar réitigh inbhuanaithe i raon leathan earnálacha.

- (b) Forbairt agus feidhmiú nanaitheicneolaíochtaí ar bhonn sábháilte agus inbhuanaithe a áirithiú

Eolas eolaíoch maidir le tionchar féideartha na nanaitheicneolaíochtaí agus na nanachórais ar shláinte nó ar an gcomhshaol a chur chun cinn, agus uirlisí a chur ar fáil chun measúnú agus bainistiú riosca a dhéanamh ar feadh na saolré iomláine, lena n-áirítear saincheistanna caighdeánaithe.

- (c) Gné shochoíoch na nanaitheicneolaíochta a fhorbairt

Díríú ar rialachas na nanaitheicneolaíochta chun tairbhe na sochaí agus an chomhshaoil.

- (d) Nana-ábhair, comhpháirteanna agus córais a shintéisiú agus a mhonarú go héifeachtúil agus ar bhealach inbhuanaithe

Díríú ar oibriúcháin nua, ar chomhtháthú cliste próiseas nua agus próiseas atá ann cheana, lena n-áirítear cóineasú teicneolaíochta agus méadú ó scála a dhéanamh chun táirgeadh fíorbheacht táirgí agus sásalach ilfhóinteach solúbtha ar mórsála a bhaint amach lena n-áirithítear faisnéis a thiontú go héifeachtúil go nuálaíocht tionsclaíoch.

- (e) Teicnící feabhsaithe cumais, modhanna tomhais agus trealamh a fhorbairt agus a chaighdeánú

Díríú ar na teicneolaíochtaí atá mar bhonn agus mar thaca ó thaobh tacú le forbairt agus le tabhairt isteach nana-ábhar agus nanachórais sábháilte, casta ar an margadh.

1.3. Ábhair shárffhorbartha

1.3.1. Cuspóir sonrath le haghaidh ábhar shárffhorbartha

Is é cuspóir sonrath an taighde agus na nuálaíochta maidir le hábhair shárffhorbartha, forbairt a dhéanamh ar ábhair lena mbaineann feidhmiúlachtaí nua agus feidhmíocht inseirbhíse fheabhsaithe, le haghaidh táirgí níos iomaíche agus níos sábháilte a dhéanann íoslaghdú ar an tionchar ar an gcomhshaol agus ar ídiú acmhainní.

Is príomhchumasúcháin iad ábhair agus iad i gceolár na nuálaíochta tionsclaíche. Tá ábhair shárffhorbartha lena mbaineann ábhar eolais ardleibhéil, feidhmiúlachtaí nua agus feidhmíocht fheabhsaithe fíor-riachtanach le haghaidh iomaíochais tionsclaíoch agus forbairt inbhuanaithe ar fud raon leathan feidhmeanna agus earnálacha

1.3.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Tá ábhair shárffhorbartha nua de dhíth chun táirgí agus próisis inbhuanaithe agus lena mbainfidh feidhmíocht níos fearr a fhorbairt agus lena ndéanfar acmhainní tearca a ionadú. Is cuid den réiteach ar ár ndúshláin thionsclaíocha agus shochoíocha iad na hábhair sin, as a dtiocfaidh feidhmíocht níos fearr ó thaobh a n-úsáide de, riachtanais níos lú ó thaobh acmhainní agus fuinnimh de, agus inbhuanaitheacht le linn shaolré uile na dtáirgí.

I ndáil le forbairt atá dírithe ar fheidhmeanna, is minic is gá ábhair iomlán nua a dhearadh, agus an cumas chun feidhmíochtaí inseirbhíse beartaithe a chur ar fáil leo. Is gné thábhachtach iad na hábhair sin maidir le slabhra soláthair monaraíochta ardluacha. Tá siad mar bhunús freisin le haghaidh dul chun cinn i réimsí teicneolaíochta trasnaí (mar shampla teicneolaíochtaí cúraim sláinte, bitheolaíochtaí, leictreonaic agus fótónaic), agus i ngach earnáil den mhargadh a bheag nó a mhór. Is ionann na hábhair iad féin agus príomhbheart chun luach na dtáirgí agus a bhfeidhmíocht a mhéadú. Tá luach agus tionchar measta na n-ábhar sárffhorbartha suntasach, agus ráta fáis bliantúil thart ar 6 % ag gabháil leo agus méid margaidh ionchais tuairim is EUR 100 billiún faoi 2015.

Ceapfar ábhair de réir cur chuige saolré iomlán, ó sholáthar na n-ábhar atá ar fáil go dtí deireadh ré (próiseas athghiniúnach), agus cuir chuige nuálacha chun na hacmhainní (lena n-áirítear fuinneamh) is gá le haghaidh a dtrasfhoirmiú a íoslaghdú nó chun drochthionchar ar dhaoine agus ar an gcomhshaol a íoslaghdú. Cumhdófar freisin úsáid leanúnach, athchúrsáil nó úsáid thánaisteach ábhar a bhfuil a ré caite mar aon le nuálaíocht shochoíoch ghaolmhar, amhail athruithe ar iompar na dtomhaltóirí agus samhlacha nua gnó.

D'fhonn dlús a chur faoin dul chun cinn, cothófar cur chuige ildisciplíneach agus inréimneach, lena mbainfidh ceimic, fisic, eolaíochtaí innealtóireachta, samhaltú teoiriciúil agus ríomhaireachtúil, eolaíochtaí bitheolaíocha agus dearadh tionsclaíoch a bheidh níos cruthaithe.

Cothófar comhghuaillíochtaí nua agus nuálaíochta glasa mar aon le siombóis thionsclaíoch ionas gur féidir le tionscail a samhlacha gnó a éagsúlú, a fhorleathnú agus a gcuid dramhaíola a athúsáid mar bhunús le táirgiúlacht nua.

1.3.3. Dul na ngníomhaíochtaí

(a) Teicneolaíochtaí ábhar trasnaí agus cumasúcháin

Taighde ar ábhair de réir dearaidh, ar ábhair fheidhmeacha, ar ábhair ilfheidhmeacha lena mbaineann ábhar eolais ardleibhéil, feidhmiúlachtaí nua agus feidhmíocht fheabhsaithe, agus ar ábhair struchtúracha le haghaidh nuálaíochta i ngach earnáil thionsclaíoch, lena n-áirítear tionscail na cruthaitheachta.

(b) Ábhair a fhorbairt agus a thrasfhoirmiú

Taighde agus forbairt chun forbairt agus méadú ó scálú ar bhonn éifeachtúil, sábháilte agus inbhuanaithe a áirithiú ionas gur féidir monaraíocht thionsclaíoch táirgí atá bunaithe ar dhearadh sa todhchaí a chumasú, chun bainistiú ábhar "gan dramhaíl" a bhaint amach san Eoraip.

(c) Bainistíocht ar chomhpháirteanna ábhar

Taighde agus forbairt i ndáil le teicnící nua agus nuálacha le haghaidh ábhar, comhpháirteanna agus chóras.

(d) Ábhair do thionscal ísealcharbóin atá inbhuanaithe agus tíosach ar acmhainní

Forbairt a dhéanamh ar tháirgí agus ar fheidhmeanna nua, ar shamhlacha gnó agus iompar freagrach tomhaltóirí a laghdaíonn an t-éileamh ar fhuinneamh, agus a éascaíonn táirgeadh ísealcharbóin.

(e) Ábhair le haghaidh tionscail na cruthaitheachta, lena n-áirítear oidhreacht

Dearadh agus forbairt ar theicneolaíochtaí inréimneacha a fheidhmiú chun deiseanna nua gnó a chruthú, lena n-áirítear caomhnú agus athchóiriú ábhar a bhfuil luach stairiúil nó cultúrtha ag gabháil leo, mar aon le nua-ábhair.

(f) Méadreolaíocht, tréithriú, caighdeánú agus rialú cáilíochta

Teicneolaíochtaí a chur chun cinn amhail tréithriú, meastóireacht neamhscriosach, measúnú agus faireachán leantach agus samhaltú réamhfháistineach ar fheidhmíocht maidir le dul chun cinn in eolaíocht na n-ábhar agus san innealtóireacht agus an tionchar a bheidh orthu.

(g) An leas is fearr a bhaint as úsáid ábhar

Taighde agus forbairt chun imscrúdú a dhéanamh ar ionadú agus ar mhalairt roghanna maidir le húsáid ábhar agus cineálacha cur chuige éagsúla gnó atá nuálach agus acmhainní ríthábhachtacha a shainaitint.

1.4. *Biteicneolaíocht*

1.4.1. Cuspóir sonracha le haghaidh biteicneolaíochta

Is é cuspóir sonracha an taighde agus na nuálaíochta biteicneolaíochta táirgí tionsclaíochta agus próisis thionsclaíochta iomaíochta, inbhuanaithe agus nuálacha a fhorbairt agus rannchuidiú mar ghníomhaí nuálaíochta i roinnt earnálacha Eorpacha, amhail talmhaíocht, foraoiseacht, bia, fuinneamh, ceimiceáin agus sláinte mar aon leis an mbithghéilleagar atá bunaithe ar fhaisnéis.

Tacóidh bunús láidir eolaíoch, teicneolaíochta agus nuálach i mbiteicneolaíocht le tionscail na hEorpa ceannaireacht a bhaint amach san eochairtheicneolaíocht chumasúcháin sin. Neartófar an staid sin a thuilleadh tríd an measúnú sláinte agus sábháilteachta, an tionchar eacnamaíoch agus comhshaoil in úsáid na teicneolaíochta agus gnéithe bainistíochta na rioscaí foriomlána agus sonracha maidir le himscaradh na biteicneolaíochta a chomhlhathú.

1.4.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Agus an bhiteicneolaíocht á spreagadh ag an méadú ar eolas ar chórais bheo, tá sí ar tí sruth feidhmeanna nua a chur ar fáil agus bonn tionsclaíoch an Aontais agus a chumas nuálaíochta a neartú. Is i bhfeidhmeanna tionsclaíochta a fheictear samplaí den tábhacht mhéadaitheach a bhaineann le biteicneolaíocht lena n-áirítear bithchógaisíocht, bia agus táirgeadh bia agus bithcheimiceáin, a dtiocfaidh méadú oiread de 12 %-20 % ar sciar an mhargaidh na mbithcheimiceáin, de réir mar a mheastar, i dtaca le táirgeadh ceimiceán faoi 2015. Tugtar aghaidh leis an mbiteicneolaíocht freisin, ar chuid de dhá phrionsabal déag na Ceimice Glaise, mar a thugtar orthu, i ngeall ar roghnaíocht agus éifeachtúlacht na mbithchóras. Is féidir na hualaí eacnamaíochta féideartha d'fhiontair an Aontais a laghdú trí bhíthin féidearthacht na bpróiseas biteicneolaíochta agus na dtáirgí bithbhunaithe a ghabháil chun astaíochtaí CO₂ a laghdú, ar astaíochtaí a mheastar a bheibh ina gcoibhéis idir 1 agus 2.5 billiún tonna CO₂ in aghaidh na bliana faoi 2030.

Cheana féin, in earnáil bhithchógaisíochta na hEorpa, díorthaítear tuairim agus 20 % de na cógais reatha ó bhiteicneolaíocht, ar cógais nua suas le 50 % díobh. Beidh ról tábhachtach ag an mbiteicneolaíocht san aistriú chuig géilleagar bithbhunaithe trí bhíthin próisis thionsclaíochta nua a fhorbairt. Cruthaítear bealaí nua trí bhíthin biteicneolaíochta chun an talmhaíocht, an dobarshaothrú agus foraoiseacht inbhuanaithe a fhorbairt agus chun acmhainneacht ollmhór acmhainní muirí a shaothrú chun feidhmeanna tionsclaíochta, sláinte, fuinnimh, ceimiceáin agus comhshaoil nuálacha a tháirgeadh. Táthar ag tuar go dtiocfaidh fás 10 % in aghaidh na bliana ar earnáil na biteicneolaíochta muirí (gorm) atá ag teacht chun cinn.

Tá eochairfhoinní nuálaíochta eile ag an gcomhéadan idir an bhiteicneolaíocht agus teicneolaíochtaí cumasúcháin agus inréimneacha eile, go háirithe nanaitheicneolaíochtaí agus TFC, lena mbaineann feidhmeanna amhail braiteacht agus diagnóisíú.

1.4.3. Dul na ngníomhaíochtaí

(a) Béim a chur ar bhiteicneolaíochtaí ar thús cadhnaíochta mar ghníomhaí nuálaíochta sa todhcháí

Réimsí teicneolaíochta éiritheacha amhail bitheolaíocht shintéiseach, bithfhaisnéisíocht agus bitheolaíocht chóras, lena mbaineann féidearthacht mhórle haghaidh táirgí nuálacha agus teicneolaíochtaí agus feidhmeanna a bheidh go hiomlán úrnua.

(b) Táirgí agus próisis thionsclaíochta bunaithe ar bhiteicneolaíocht

Biteicneolaíocht thionsclaíoch agus dearadh bithphróiseas ar scála na dtionscal a fhorbairt le haghaidh táirgí tionsclaíochta agus próiseas tionsclaíoch atá inbhuanaithe (e.g. ceimiceán, sláinte, mianadóireacht, fuinneamh, laíon agus páipéar, táirgí atá bunaithe ar shnáithíní agus ar adhmaid, teicstíl, stáirse, próiseáil bhia) agus na gnéithe comhshaoil agus sláinte lena mbaineann, lena n-áirítear oibriúcháin ghlantacháin.

(c) Teicneolaíochtaí ardáin nuálacha agus iomaíochta

Teicneolaíochtaí ardáin a fhorbairt (e.g. géanómaíocht, meitighéanómaíocht, próitéamaíocht, meitibileacht, uirlisí móilíneacha, córais léirithe, ardáin feinitópála agus ardáin atá bunaithe ar chealla) chun ceannaireacht agus buntáiste iomaíoch i líon fairsing earnálacha a bhfuil tionchar eacnamaíoch acu a fheabhsú.

1.5. *Ardmhonaraíocht agus an ardphróiseáil*

1.5.1. Cuspóir sonracha

Is é cuspóir sonracha thaighde agus nuálaíocht na hardmhonaraíochta agus na hardphróiseála fiontair mhonaraíochta, córais agus próisis na haimsire seo a chlaohlú. Déanfar é sin inter alia trí eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin a ghíaráil d'fhonn teicneolaíochtaí monaraíochta agus próiseála tras-earnála a bhaint amach a mbeidh breis dlútheolais, inbhuanaitheachta, éifeachtachta ó thaobh acmhainní agus fuinnimh ag baint leo as a dtiocfaidh táirgí, próisis agus seirbhísí níos nuálaí. Trí bhíthin táirgí, próisis agus seirbhísí inbhuanaithe nua a chumasú agus iad a úsáid ar bhealach iomaíoch, beidh ardmhonaraíocht agus ardphróiseáil ríthábhachtach freisin chun tosaíocht "Na dúshláin sochaíocha" a bhaint amach.

1.5.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Tá an earnáil monaraíochta ríthábhachtach don gheilleagar Eorpach, í ag rannchuidiú tuairim agus 17 % de OTI agus thart ar 22 mhilliún post san Aontas in 2007 ina tuilleamaí. Idir maolú na mbac eacnamaíoch ar thrádáil agus éifeacht chumasúcháin na teicneolaíochta cumarsáide, tá monaraíocht faoi réir iomaíocht ghéar agus claonadh ann í a aistriú chuig na tíortha ina bhfuil an costas foriomlán is ísle. Tá gá le hathrú radacach ar an gcur chuige Eorpach maidir le monaraíocht má tá an Eoraip chun bheith iomaíoch i gcónaí ar bhonn domhanda agus d'fhéadfadh Fís 2020 cuidiú chun na páirtithe leasmhara go léir a thabhairt le chéile chun é sin a bhaint amach.

Ní mór don Eoraip an infheistíocht a mhéadú ar leibhéal an Aontais chun ceannaireacht agus inniúlacht na hEorpa a chothabháil i leith teicneolaíochtaí monaraíochta agus an t-aistriú a dhéanamh chuig earraí ardluacha dlútheolais, chun na dálaí agus na sócmhainní a chruthú le haghaidh seirbhís saolré inbhuanaithe a tháirgeadh agus a chur ar fáil i dtíortha táirge monaraíochta. Ní mór do thionscail mhonaraíochta agus do phróisis atá dian ó thaobh acmhainní a gcuid acmhainní agus eolais a shaothrú tuilleadh ar leibhéal an Aontais agus an infheistíocht a mhéadú i dtaighde, i bhforbairt agus i nuálaíocht chun dul chun cinn breise a chumasú i dtreo geilleagair ísealcharbóin, iomaíoch, inbhuanaithe atá éifeachtach ó thaobh acmhainní de agus chun na laghduithe uile-Aontais a comhaontaíodh maidir le hastaíochtaí gáis cheaptha teasa le haghaidh earnálacha tionsclaíochta a chomhlíonadh faoi 2050 ⁽¹⁾.

Trí bheartais láidre an Aontais, dhéanfaidh an Eoraip na hearnálacha tionsclaíochta reatha a mhéadú agus earnálacha tionsclaíochta éiritheacha na todhcháí a chothú. Is suntasach iad luach agus tionchar measta earnáil na gcóras monaraíochta sárthorbartha, lena mbaineann méid margaidh ionchais dar luach EUR 150 billiún faoi 2015 agus ráta fáis bliantúil tuairim agus 5 %.

Is ríthábhachtach é go gcoimeádfar an t-eolas agus an inniúlacht chun cumas monaraíochta agus próiseála a choinneáil san Eoraip. Beidh béim na ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta ar mhonaraíocht agus ar phróiseáil inbhuanaithe, sábháilte lena dtabharfar an nuálaíocht theicniúil agus an díriú ar chustaiméirí atá riachtanach isteach chun táirgí agus seirbhísí dlútheolais lena mbaineann ídiú íseal ar ábhar agus ar fhuinneamh a tháirgeadh.

Ina theannta sin, ní mór don Eoraip na teicneolaíochtaí agus an t-eolas cumasúcháin a aistriú chuig earnálacha táirgí eile, amháil tógáil, atá ina mórfhoinsé gás cheaptha teasa áit ar ionann gníomhaíochtaí tógála agus tuairim is 40 % d'ídiú fuinnimh san Eoraip, as a dtagann 36 % de na hastaíochtaí CO₂. Ní mór don earnáil tógála, ina ngintear 10 % d'OTI agus ina gcuirtear tuairim agus 16 mhilliún post ar fáil san Eoraip idir 3 mhilliún fiontar, ar fiontair bheaga agus mheánmhéide 95 % díobh, ábhair nuálacha agus cineálacha éagsúla cur chuige maidir le monaraíocht a ghlacadh chun a tionchar ar an gcomhshaol a mhaolú.

1.5.3. Dul na ngníomhaíochtaí

(a) Teicneolaíochtaí le haghaidh Mhonarchana na Todhcháí

Fás tionsclaíoch inbhuanaithe a chur chun cinn trí bhíthin athrú straitéiseach san Eoraip ó mhonaraíocht chostas-bhunaithe go cur chuige bunaithe ar éifeachtúlacht acmhainní agus ar chruthú táirgí ardbhreislúacha agus monaraíocht ardfeidhmíochta, éirimiúil TFC-chumasaithe i gcóras comhtháite.

(b) Teicneolaíochtaí trína gcumasaítear foirgnimh agus córais atá tíosach ar Fhuinneamh agus a bhfuil tionchar íseal ar an gcomhshaol acu

Ídiú fuinnimh agus astaíochtaí CO₂ a laghdú trí theicneolaíochtaí agus córais tógála inbhuanaithe a thaighde, a fhorbairt agus a úsáid, lena dtabharfar aghaidh ar an slabhra breisluacha iomlán agus tionchar foriomlán foirgneamh ar an gcomhshaol a laghdú.

⁽¹⁾ COIM(2011)0112.

- (c) Teicneolaíochtaí inbhuanaithe agus ísealcharbóin atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní de i dtionscail phróiseas atá dian ó thaobh fuinnimh de

Iomaíochas na dtionscal próiseas a mhéadú, trí éifeachtúlachtaí acmhainne agus fuinnimh a fheabhsú go suntasach agus tionchar comhshaoil gníomhaíochtaí tionsclaíocha den sórt sin a laghdú trí bhíthin an tslabhra luacha iomláine, glacadh teicneolaíochtaí ísealcharbóin a chur chun cinn, próisis thionsclaíocha níos inbhuanaithe agus, i gcás inarb infheidhme, foinsí fuinnimh inathnuaite a chomhtháthú.

- (d) Samhlacha gnó inbhuanaithe nua

Coincheapa agus modheolaíochtaí a dhíorthú le haghaidh samhlacha gnó oiriúnaitheacha 'eolas-bhunaithe' i gcineálacha cur chuige éagsúla saincheaptha, lena n-áirítear cineálacha malartacha cur chuige atá táirgiúil ó thaobh acmhainní.

1.6. An Spás

1.6.1. Cuspóir sonrath le haghaidh an spáis

Is é an cuspóir sonrath maidir le spástaighde agus maidir leis an nuálaíocht spáis tionscal spáis (lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide) agus pobal spástaighde a bheidh iomaíoch, nuálach agus éifeachtach ó thaobh costais de a chothú chun bonneagar spáis a fhorbairt agus a shaothrú d'fhonn freastal ar bheartas an Aontais agus ar riachtanais na sochaí sa todhchaí.

Tá neartú earnáil spáis na hEorpa, idir an earnáil phoiblí agus earnáil phríobháideach, trí threisiú le spástaighde agus le nuálaíocht spáis, ríthábhachtach chun cumas na hEorpa a chothabháil agus a chosaint i dtaca leis an spás a úsáid d'fhonn tacú le beartais an Aontais, le leasa straitéiseacha idirnáisiúnta agus le hiomaíochas i measc na náisiún a bhfuil loingseoireacht spáis fadbhunaithe acu agus na náisiún ina bhfuil sí ag teacht chun cinn. Gníomhófar ar leibhéal an Aontais i gcomhcheangal le gníomhaíochtaí spástaighde na mBallstát agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (GSE), d'fhonn comhlántacht idir gníomhairí éagsúla a chur chun cinn.

1.6.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Is cumasúchán tábhachtach é an spás, d'ainneoin gur minic nach dtugtar é sin faoi deara, le haghaidh seirbhísí agus táirgí éagsúla atá ríthábhachtach do shocháil an lae inniu, amháil loingseoireacht agus cumarsáid, chomh maith le réamhaisnéis na haimsire, agus faisnéis gheografach a fhaightear ó fhaire na Cruinne a déanann satailítí. Braitheann ceapadh agus cur chun feidhme beartas ar an leibhéal Eorpach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach ar bhonn níos minice ar fhaisnéis a dhíorthaítear ón spás. Tá earnáil dhomhanda an spáis ag fás agus ag forleathnú go mear chuig réigiúin nua (e.g. an tSín, Meiriceá Theas agus an Afraic). I láthair na huairé is onnmhaireoir suntasach é earnáil tionsclaíochta na hEorpa de shatailítí den chéad scoth chun críocha tráchtála agus eolaíoch. Is dúshlán do staid na hEorpa sa réimse seo an méadú ar iomaíocht dhomhanda.

Is ábhar leasa don Eoraip é a áirithiú go leanfaidh an borradh atá faoina cuid tionsclaíochta sa mhargadh sin atá thar a bheith iomaíoch. Ina theannta sin, mar thoradh ar na sonraí a fuarthas ó shatailítí agus ó thóireadóirí eolaíoch, rinneadh cuid den dul chun cinn eolaíoch is suntasaí a tharla le scór nó tríocha bliain anuas sa domhaneolaíocht, san fhísic bhunúsach, sa réalteolaíocht agus sa phláinéadeolaíocht. Ina theannta sin, chuir teicneolaíochtaí spáis nuálaíoch, m. sh., an róbaic le dul chun cinn na faisnéise agus na teicneolaíochta san Eoraip. Agus an cumas uathúil seo aici, tá ról ríthábhachtach ag earnáil spáis na hEorpa freastal ar na dúshláin a shainaitheann trí bhíthin straitéis Eoraip 2020.

Tá taighde, forbairt teicneolaíochta agus nuálaíocht mar bhonn agus mar thaca ag cumas sa spás atá ríthábhachtach do shocháil na hEorpa. Cé go gcaitheann Stáit Aontaithe Mheiriceá tuairim is 25 % dá mbuiséad spáis ar thaighde agus ar fhorbairt, caitheann an tAontas níos lú ná 10 % orthu. Ina theannta sin, tugtar aghaidh i spástaighde san Aontas ar chláir náisiúnta na mBallstát, ar chláir GSE agus ar Chreatchláir AE le haghaidh taighde.

D'fhonn buntáiste teicneolaíochta agus iomaíoch na hEorpa a choinneáil agus chun leas a bhaint as infheistíochtaí, tá gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, ag féachaint d'Airteagal 4(3) agus d'Airteagal 189 CFAE i gcomhcheangal le gníomhaíochtaí spástaighde na mBallstát agus GSE, a bhfuil forbairt ar shatailítí tionsclaíoch mar aon le misin domhainspáis bainistithe aici ar bhonn idir-rialtasach ar son Bhallstáit GSE ó 1975. Tá gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais freisin chun rannpháirtíocht na dtaighdeoirí is fearr ó na Ballstáit go léir a chur chun cinn, agus chun na baic ar chomharthionscadail spástaighde trasna na dteorainneacha náisiúnta a íslú.

Ina theannta sin, beidh an fhaisnéis a chuirfidh satailítí Eorpacha ar fáil ina hacmhainneacht mhéadaitheach le haghaidh tuilleadh forbartha ar sheirbhísí iarteachtacha nuálacha bunaithe ar shatailítí. Is earnáil ghníomhaíochta shamplach í sin le haghaidh fiontar beag agus meánmhéide agus ba cheart tacú léi trí bhíthin beart taighde agus nuálaíochta d'fhonn sochair iomlána na deise sin a bhaint, agus go háirithe ó thaobh na n-infheistíochtaí suntasacha a rinneadh sa dá chláir de chuid an Aontais Galileo agus GMES.

Is é nádúr an spáis teorainneacha críche a tharchéimniú, lena soláthraítear fuinneog uathúil a mbaineann gné uiledhomhanda léi, agus ar an gcaoi sin téitear i mbun tionscadal mórsála trí bhíthin comhair idirnáisiúnta. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh combhbheartas spáis Eorpach agus gníomhaíochtaí spástaighde agus nuálaíochta spáis ar leibhéal Eorpach ann d'fhonn ról suntasach a bhaint amach i ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta spáis sna blianta romhainn amach.

Tá taighde ar an spás agus ar an nuálaíocht faoi Fís 2020 ar chomhréim le tosaíochtaí bheartas spáis an Aontais agus le riachtanais chláir oibríochtúla na hEorpa de réir mar a dhéanann Comhairlí Spáis an Aontais agus an Coimisiún Eorpach iad a shainiú i gcónaí⁽¹⁾.

Is infheistíocht straitéiseach é bonneagar Spáis na hEorpa amhail clár COPERNICUS agus clár GALILEO agus beidh gá le feidhmeanna iarteachtacha nuálacha a fhorbairt. Chun na críche sin, tacófar le cur i bhfeidhm na dteicneolaíochtaí spáis trí na socruithe i ndáil le Dúshlán Shochaíocha, i gcás inarb iomchuí, d'fhonn buntáistí socheacnamaíocha a ghnóthú chomh maith le toradh as infheistíocht agus as ceannaireacht Eorpach i bhfeidhmeanna iarteachtacha.

1.6.3. Dul na ngníomhaíochtaí

(a) Iomaíochas Eorpach, neamhspleáchas agus nuálaíocht earnáil spáis na hEorpa a chumasú

Is éard atá i gceist leis sin tionscal spáis fiontraíoch, iomaíoch agus inbhuanaithe mar aon le pobal spástaighde den chéad scoth a chosaint agus a fhorbairt tuilleadh chun ceannaireacht agus neamhspleáchas na hEorpa a chothabháil agus a neartú ó thaobh córas spáis de, nuálaíocht san earnáil spáis a chothú, agus nuálaíocht spásbhunaithe ar an talamh a chumasú, mar shampla trí shonraí cianbhraiteachta agus loingseoireachta a úsáid.

(b) Dul chun cinn i dteicneolaíochtaí spáis a chumasú

Is é an aidhm ardteicneolaíochtaí spáis agus coincheapa oibríocháin a fhorbairt agus a chumasú ón tráth a smaoinítear orthu go dtí go léirítear iad sa spás. Áirítear leis sin teicneolaíochtaí lena dtugtar tacaíocht chun rochtain ar an spás a fháil, teicneolaíochtaí chun sócmhainní spáis a chosaint ó bhagairtí amhail smionagar agus griabhbladhmana chomh maith le cumarsáid satailíte, loingseoireacht agus cianbhraiteacht. Ní mór oideachas agus oiliúint a chur ar fáil ar bhonn leanúnach le haghaidh innealtóirí agus eolaithe ardoilte, mar aon le naisc láidre idir na hinnealtóirí agus na heolaithe sin agus úsáideoirí feidhmchlár spáis, chun ardteicneolaíochtaí spáis a fhorbairt agus a fheidhmiú.

(c) Saothrú sonraí spáis a chumasú

Féadfar sonraí ó shatailítí Eorpacha (eolaíocha, poiblí nó tráchtála) a shaothrú ar bhonn méadaithe shuntasaigh má dhéantar iarracht bhreise le haghaidh próiseáil, cartlannú, bailíochtú, caighdeánú agus infhaighteacht inbhuanaithe na sonraí spáis chomh maith le tacú le táirgí agus seirbhísí nua faisnéise a eascraíonn as na sonraí sin a fhorbairt, ag féachaint d'Airteagal 189 (TFEU), maraon le nuálaíochtaí maidir le láimhseáil agus le scaipeadh agus le hidir-inoibritheacht sonraí, go háirithe rochtain ar shonraí agus ar mheiteashonraí Domhaneolaíochta agus iad a mhalartú, féadfar toradh níos mó as infheistíocht i mbonneagar spáis a áirithiú, agus rannchuidiú le dul i ngleic le dúshlán shochaíocha, go háirithe ma bhíonn siad comhordaithe in iarracht dhomhanda mar shampla trí bhíthin Chóras Domhanda na gCóras um Faire na Cruinne (GEOS), eadhon trí bhíthin leas iomlán a bhaint as clár Copernicus mar an príomh-rannchuidiú Eorpach, clár loingseoireachta satailíte na hEorpa Galileo nó IPCC le haghaidh saincheisteanna um athrú aeráide. Tacófar leis na nuálaíochtaí sin a thabhairt isteach go tapa sa phroiseas ábhartha cur i bhfeidhm agus cinnteoireachta. Áirítear leis sin chomh maith saothrú na sonraí le haghaidh imscrúdaithe eolaíoch bhreise.

(d) Taighde Eorpach a chumasú mar thaca le comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta spáis

Bíonn gné dhomhanda ó bhun i gceist le gníomhaíochtaí spáis. Tá sé sin thar a bheith soiléir i gcás gníomhaíochtaí amhail Feasacht Shuíomhúil Spáis (SSA), agus líon mór tionscadal eolaíochta agus taiscéalaíochta spáis eile. Bíonn teicneolaíocht spáis ar thús cadhánaíochta á fhorbairt ar bhonn níos minice faoi chuimsiú comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta den sórt sin. Is fachtóir tábhachtach ratha le haghaidh thaighdeoirí agus thionscal na hEorpa rochtain orthu a áirithiú. Tá sainiú agus cur chun feidhme na bpleananna oibre fadtéarmacha agus comhordú le comhpháirtithe idirnáisiúnta tábhachtach don chuspóir sin.

2. Rochtain ar mhaoiniú riosca

2.1. Cuspóir sonrath

Is é an cuspóir sonrath atá leis cabhrú aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sa mhargadh ó thaobh rochtain a fháil ar mhaoiniú riosca le haghaidh taighde agus nuálaíochta.

⁽¹⁾ COIM(2011)0152.

Tá drochbhail ar chúrsaí infheistíochta sa réimse T&N, go háirithe i gcás na bhfiontar beag agus meánmhéide nuálach agus na bhfiontar meánchaitilthe a bhféadfadh fás ard a bheith i ndán dóibh. Tá roinnt bearnaí móra sa mhargadh i dtaca le soláthar maoinithe, toisc gurb iondúil go measann lucht an mhargaidh go bhfuil riosca rómhór ag baint leis na nuálaíochtaí sin atá riachtanach chun na spriocanna beartas a bhaint amach agus dá bhrí sin ní bhaintear amach na sochair níos leithne don tsochaí ina n-iomláine.

Cabhróidh saoráid le haghaidh fiach ('an tSaoráid Fiachais') agus saoráid le haghaidh cothromais ('an tSaoráid chothromais') chun fadhbanna den sórt sin a shárú trí fheabhas a chur ar phróifíilí maoinithe agus próifíilí riosca na ggníomhaíochtaí T&N lena mbaineann. Déanfaidh siad sin éascú, faoi seach, ar an rochtain a bheidh ag gnólachtaí agus ag tairbhíthe eile ar iasachtaí, ar ráthaíochtaí agus ar fhoirmeacha eile maoinithe riosca; spreagfaidh siad infheistíocht luath-chéime agus forbairt cistí nua caipitil fiontair agus cistí atá ann cheana; feabhsóidh siad aistriú eolais agus margadh na maoine intleachtúla; meallfaidh siad cistí chuig an margadh caipitil fiontair; agus, tríd is tríd, cuideoidh siad le catalú na gluaiseachta ó cheapadh, ó fhorbairt agus ó thaispeáint na dtáirgí agus na seirbhísí nua, go dtí go ndéanfar tráchtáil orthu.

Is é an éifeacht fhoriomlán a bheidh acu cur le toilteanas na hearnála príobháidí infheistíocht a dhéanamh i T&N agus dá bhrí sin tacú le baint amach ceann de phríomhspríocanna Eoraip 2020: go mbeidh 3 % de OTI an Aontais á infheistiú i T&F faoi dheireadh na deich mbliana seo agus dhá thrian á ranníoc ag an earnáil príobháideach. Cabhróidh an úsáid a bhainfear as ionstraimí airgeadais freisin le cuspóirí T&N na n-earnálacha agus na réimsí beartais uile a bhaint amach ar cuspóirí agus réimsí iad atá ríthábhachtach chun tabhairt faoi na dúshlán shochaíocha, chun cur le hiomaíochas, agus chun tacú le fás inbhuanaithe, uilechuimsitheach agus le soláthar do leas an chomhshaoil agus do leas an phobail.

2.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Tá gá le Saoráid Fiachais ar leibhéal an Aontais le haghaidh T&N chun cur leis an dóchúlacht go dtabharfar iasachtaí agus ráthaíochtaí agus go mbainfear amach na cuspóirí beartais maidir le T&N. Is dócha go mairfidh an bhearna atá sa mhargadh faoi láthair idir éileamh agus soláthar iasachtaí agus ráthaíochtaí i ndáil le hinfeistíochtaí baolacha T&N, bearna a bhfuil aghaidh á tabhairt uirthi leis an tSaoráid Airgeadais Riosca-Roinnte (SARR) atá ann faoi láthair, agus is dócha go staonfaidh na bainc thráchtála den chuid is mó ó iasachtaí a mbeadh baol níos airde ag baint leo a thabhairt. Bhí an-éileamh ar mhaoiniú iasachta ón SARR ó seoladh an tsaoráid i lár na bliana 2007: i gcéad chéim na Saoráide (2007-2010), bhí a ráta roghnaithe 50 % níos airde, i dtéarmaí fhorimeas gníomhach na n-iasachtaí, ná an ráta a raibh ionchas leis ar dtús (EUR 7.6 billiún i gcomparáid leis an EUR 5 billiún a rabhtas á thuar).

Ina theannta sin, ní bhíonn sé ar chumas na mbanc de ghnáth luach a chur ar shócmhainní eolais, amhail maoin intleachtúil, agus dá bhrí sin is minic nach mbíonn siad sásta infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí eolasbhunaithe. Dá thoradh sin ní féidir lena lán cuideachtaí bunaithe nuálaíocha - idir bheag agus mhór - iasachtaí a fháil le haghaidh gníomhaíochtaí T&N a bhfuil rioscaí níos airde ag baint leo. Áiríteoidh an Coimisiún i ndearadh agus i gcur chun feidhme a shaoráide nó a shaoráidí, a dhéanfar i gcomhpháirtíocht le hEintiteas Iontaobhaithe amháin nó roinnt eintiteas iontaobhaithe i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, go gcuirfear san áireamh leibhéal agus foirmeacha iomchuí rioscaí teicneolaíochta agus airgeadais, d'fhonn na riachtanais shainitheanta a chomhlíonadh.

Eascaíonn na bearnaí seo sa mhargadh go bunúsach ó éiginnteachtaí, ó neamhshiméadracht faisnéise, agus ó na costais arda a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar na saincheistean seo: bíonn teist róghearr go dtí seo ar ghnólachtaí a bunaíodh le gairid chun iasachtóirí a dhéanadh iasachtaí a thabhairt dóibh a shásamh, agus is minic nach féidir le gnólachtaí bunaithe, fiú amháin, go leor faisnéise a sholáthar, agus ar aon nós ní bhíonn sé soiléir ag tús infheistíochta T&N cibé an mbeidh nuálaíocht rathúil ann de thoradh na n-iarrachtaí a ghlacfar.

Ina theannta sin, is iondúil nach mbíonn comhlthaobhacht go leor ag fiontair ag céimeanna forbartha coincheapa ná nuair a bhíonn siad ag obair i réimsí atá ag teacht chun cinn. Dídhreasacht eile is ea an chaoi, fiú má éiríonn le gníomhaíochtaí T&N táirge nó próiseas tráchtála a chruthú, nach léir ar chor ar bith go mbeidh an cuideachta a bhfuil an obair déanta aici in ann na sochair go léir a thagann uaidh a fháil go heisiach di féin.

I dtéarmaí luach breise an Aontais, cabhróidh an tsaoráid Fiachais chun na heasnamh sa mhargadh a leigheas ar easnamh iad lena gcuirtear cosc ar an earnáil príobháideach infheistiú i T&N ar an leibhéal is fearr. Nuair a chuirfear chun feidhme í, beifear in ann mais chriticiúil acmhainní ó bhuiséad an Aontais a chur i dtoll a chéile agus, ar bhonn roinnte riosca ón institiúid (nó ó na hinstitiúidí) airgeadais a mbeidh sé de chúram uirthi (nó orthu) í a chur chun feidhme. Spreagfaidh an méid sin gnólachtaí chun níos mó dá gcuid airgid féin a infheistiú i T&N ná mar a dhéanfaidh siad murach an tsaoráid. Ina theannta sin, cabhróidh an tsaoráid Fiachais le heagraíochtaí, idir phoiblí agus príobháideach, na rioscaí a bhaineann le soláthar réamhthráchtálach agus le soláthar táirgí agus seirbhísí nuálacha a laghdú.

Tá saoráid Chothromais i gcomhair T&N ag teastáil ar leibhéal an Aontais le feabhas a chur ar infhaighteacht maoinithe cothromais i gcomhair infheistíochtaí luatha agus infheistíochtaí ag céim fáis agus le cur le forbairt mhargadh an chaipitil riosca san Aontas. Le linn na céime aistriithe teicneolaíochta agus nuathionscanta, bíonn ar chuideachtaí nua “gleann an bháis” a thrasnú ina dtagann deireadh le deontais taighde phoiblí agus nach féidir leo maoiniú príobháideach a mhealladh chucu. Maidir leis an tacaíocht phoiblí a bhfuil sé d’aidhm aici gearáil a dhéanamh ar chistiú príobháideach síl agus nuathionscanta chun an bhearna sin a líonadh, tá sí ró-írlionnte nó ró-eatramhach, nó níl an saineolas is gá ag an lucht bainistíochta. Ina theannta sin, tá an chuid is mó de na cistí caipitil riosca san Eoraip róbheag le tacú le fás leanúnach na gcuideachtaí nuálacha agus ní bhíonn an mhais chriticiúil acu le speisialtóireacht a dhéanamh agus le hoibriú ar bhonn trasnáisiúnta.

Tá iarmhairtí tromchúiseacha ag an méid sin. Bhíodh thart ar EUR 7 billiún á n-infheistiú in aghaidh na bliana i bhfiontar beaga agus meánmhéide ag cistí caipitil riosca na hEorpa sular tharla an ghéarchéim airgeadais, agus infheistíodh idir EUR 3 agus 4 billiún in 2009 agus in 2010. Bhí tionchar ag an laghdú a rinneadh ar chistiú caipitil riosca ar líon na gcomhlachtaí nuathionscanta ar tugadh cistí caipitil riosca dóibh: fuair thart ar 3 000 fiontar beag agus meánmhéide cistiú caipitil riosca sa bhliain 2007 i gcomparáid le tuairim is 2 500 in 2010.

I dtéarmaí bhreisluach an Aontais, comhlánfaidh an tsaoráid Chothromais i gcomhair T&N scéimeanna náisiúnta agus scéimeanna réigiúnacha nach bhfuil in ann infheistíochtaí T&N trasteorann a chur ar fáil. Lena chois sin, beidh éifeacht taispeántais ag idirbhearta luathchéime a rachaidh chun sochair infheisteoirí poiblí agus infheisteoirí príobháideacha ar fud na hEorpa. Maidir le céim an fháis, is ar an leibhéal Eorpach amháin is féidir an scála is gá a bhaint amach mar aon le rannpháirtíocht láidir infheisteoirí príobháideacha atá fíor-riachtanach má tá margadh féinchothabhálach caipiteal riosca le feidhmiú.

Cuideoidh na saoráidí Fiachais agus Cothromais, a mbeidh tacaíocht acu ó thacar beart tionlacain, le cuspóirí bbeartais Fís 2020 a bhaint amach. Chuige sin, beidh siad tiomanta do chomhdhlúthú agus d’ardú caighdeán bhonn eolaíochta na hEorpa; do chur chun cinn taighde agus nuálaíochta le clár oibre dírithe ar ghnó; agus d’aghaidh a thabhairt ar dhúshlán na sochaí agus béim faoi leith acu ar ghníomhaíochtaí mar phiólótú, mar thaispeántais, mar thrialacha sábháilte agus féachaint an nglacfaidh an margadh leo. Ba cheart gníomhaíochtaí tacaíochta sonracha amhail gníomhaíochtaí oiliúna agus faisnéise le haghaidh FBManna a sholáthar. Féadfar dul i gcomhairle le húdaráis réigiúnacha, le comhlachais FBManna, le cumainn lucht trádála agus le hidirghabhálaithe ábhartha airgeadais, nuair is iomchuí, i ndáil le clárú agus le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sin.

Ina theannta sin, cabhróidh siad le dul i ngleic le baint amach na gcuspoirí T&N atá ag cláir agus réimsí beartais eile, amhail an Comhbheartas Talmhaíochta, gníomhú ar son na haeráide (athrú chuig geilleagar íslecharbóin agus oiriúnú don athrú aeráide), agus an Comhbheartas Iascaigh. Forbrófar comhlántachtaí le hionstraimí airgeadais náisiúnta agus réigiúnacha i gcomhthéacs an Chomhchreata Straitéisigh i gcomhair Beartais Comhtháthaithe, áit a bhfuiltear á thuar go mbeidh ról níos leithne ag ionstraimí airgeadais.

Nuair a bhíodas á ndearadh, cuireadh san áireamh an gá atá ann aghaidh a thabhairt ar na saintréithe sonracha a bhaineann le heasnamh sa mhargadh, (mar an méid fuinnimh agus ráta cruthaithe cuideachtaí) agus riachtanais mhaoinithe na réimsí sin agus réimsí eile gan saobhadh ar an margadh a chruthú. Ní foláir breisluach Eorpach soiléir a bheith ag baint le húsáid na n-ionstraimí airgeadais agus ba cheart gearáil agus feidhm a sholáthar mar chomhlánú d’ionstraimí náisiúnta. B’fhéidir go ndéanfaí oiriúnú ar leithdháiltí buiséadacha idir na hionstraimí i rith Fís 2020 mar fhreagra ar athruithe ar dhálaí eacnamaíochta.

Maidir leis an tsaoráid Chothromais agus deis na bhfiontar beag agus meánmhéide leas a bhaint as an tsaoráid Fiachais, cuirfear i bhfeidhm iad mar chuid de dhá ionstraim airgeadais de chuid an Aontais lena soláthraítear cothromas agus fiachas chun tacú le T&N agus fás na bhfiontar beag agus meánmhéide i gcomhcheangal leis na saoráidí cothromais agus fiachais atá ann faoi COSME. Áiríteofar comhlántacht idir Fís 2020 agus COSME.

2.3. *Dul na ngníomhaíochtaí*

(a) An tsaoráid Fiachais a chuirfidh maoiniú fiachais ar fáil i gcomhair T&N: ‘Seirbhís iasachta agus ráthaíochta an Aontais le haghaidh taighde agus nuálaíochta’

Is é an aidhm feabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú fiachais — iasachtaí, ráthaíochtaí, frithráthaíochtaí agus cineálacha eile maoinithe fiachais agus riosca — i gcomhair eintiteas poiblí agus eintiteas príobháideach agus i gcomhair comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí atá páirteach i ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a bhfuil infheistíochtaí rioscúla ag teastáil lena dtabhairt chun foirfeachta. Díreofar ar thacú le sothair taighde agus nuálaíochta a bhfuil an-seans acu barr feabhais a bhaint amach.

Ós rud é go n-áirítear ar cheann de na cuspóirí atá ag Fís 2020 cuidiú leis an mbearna idir T&F agus an nuálaíocht a laghdú, cuidiú le táirgí agus seirbhísí nua nó feabhsaithe a thabhairt chuig an margadh, agus an ról rithábachtach atá ag céim an chruthúnais choincheapa i bpróiseas an tarchuir eolais á chur san áireamh, féadfar sásraí a thabhairt isteach lena gcumasófar maoiniú i gcomhair chéimeanna an chruthúnais choincheapa a bheidh riachtanach d’fhonn bailíochtú a dhéanamh ar thábhacht, ar ábharthacht agus ar thionchar nuálach thorthaí na taighde sa todhchaí nó an aireagán a bhaineann leis an aistriú.

Táthar ag súil go mbeidh na tairbhíthe deiridh a ndíreofar orthu ina n-eintitis dhlíthiúla de gach méid a mbeidh ar a gcumas airgead a fháil ar iasacht agus a aisíoc, agus go háirithe, fiontair bheaga agus mheánmhéide a bhfuil an cumas iontu dul i mbun nuálaíochta agus fás go tapa; fiontair mheánchaipitlithe agus gnólachtaí móra; ollscoileanna agus institiúidí taighde; cineálacha éagsúla bonneagair thaighde agus bonneagair nuálaíochta; comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha; agus tionscadail nó meáin i gcomhair cuspóirí speisialta.

Beidh dhá phríomhghné ag baint leis an gcistíú a thabharfar don tsaoráid Fiachais:

- (1) Gné faoi thionchar an éilimh ag soláthar iasachtaí agus ráthaíochtaí ar bhonn tús freastail a thabhairt don cheann is luaithe, mar aon le tacaíocht faoi leith do thairbhíthe amhail fiontair bheaga agus mheánmhéide agus fiontair mheánchaipitlithe. Tabharfaidh an chomhpháirt sin freagra ar an bhfás seasta agus leanúnach atá le feiceáil i líon iasachtaí SARR atá faoi thionchar an éilimh. Tacófar le gníomhaíochtaí faoin bhfuinneog le haghaidh Fiontar Beag agus Meánmhéide a bhfuil sé d'aidhm acu rochtain níos fearr a sholáthar d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus d'eintitis eile atá faoi thionchar T&F nó faoi thionchar nuálaíochta, nó faoi thionchar an dá rud le chéile. D'fhéadfaí tacú ag céim 3 d'Ionstraim FBManna a áireamh air sin faoi réir leibhéal an éilimh a bheidh ann.
 - (2) Gné a bheidh spriocdhíríthe ar bheartais agus ar phríomhearnálacha atá ríthábhachtach le dul i ngleic le dúshlán shochaíocha, le cur le ceannaireacht thionsclaíoch agus le hiomaíochas, le tacú le fás cuimsitheach, inbhuanaithe, ísealcharbóin agus soláthar do leas an chomhshaoil agus do leas an phobail. Cabhróidh an ghné sin leis an Aontas aghaidh a thabhairt ar ghnéithe taighde agus nuálaíochta chuspóirí beartas na n-earnálacha.
- (b) An tsaoráid Chothromais lena gcuirfead maoiniú cothromais ar fáil i gcomhair T&N: 'ionstraimí cothromais an Aontais i gcomhair taighde agus nuálaíochta'

Is é an sprioc atá leo rannchuidiú le sárú na n-easnamh atá i margadh caipitil riosca na hEorpa agus cothromas agus cuasachothromas a chur ar fáil le freastal ar riachtanais forbartha agus maoinithe fiontar atá i mbun nuála ó chéim an tsíl ar aghaidh go céimeanna fáis agus fairsingithe. Leagfar béim ar thacú le cuspóirí Fís 2020 agus le beartais ghaolmhara.

Na fiontair idir bheag agus mhór atá i mbun gníomhaíochtaí nuálaíochta nó a bhfuil tús á chur acu le gníomhaíochtaí den sórt sin, d'fhéadfadh gurb iad na tairbhíthe deiridh a ndíreofar orthu, agus leagfar béim faoi leith ar FBManna nuálacha agus ar fhiontair mheánchaipitlithe.

Leis an tsaoráid Chothromais díreofar ar chistí luathchéime caipitil fiontair agus cistí de chistí lena gcuirtear caipiteal fiontair agus cuasachothromais (lena n-áirítear caipiteal mezzanine) ar fáil d'fhiontair phunainne aonair. Lena chois sin beidh sé ar chumas na saoráide infheistíochtaí chéim an fháis agus leathnaithe a dhéanamh i gcomhcheangal leis an tSaoráid Chothromais le haghaidh an Fháis faoi COSME chun go dtabharfar tacaíocht leanúnach le linn tréimhsí tosaigh agus tréimhsí forbartha cuideachtaí.

Beidh an tsaoráid Chothromais faoi thionchar an éilimh go príomha, agus bainfidh sí leas as cur chuige punainne, trína roghnóidh na cistí caipitil riosca agus idirghabhálaithe inchomparáide eile na gnólachtaí a ndéanfaidh siad infheistiú iontu.

Féadfar cur in áirithe cistí a chur i bhfeidhm chun cabhrú le spriocanna áirithe beartas a bhaint amach, ag tógáil ar an gcaoi ar éirigh go maith le cúrsaí sa Chlár Réime Iomaíochais agus Nuálaíochta (2007 go 2013) inar cuireadh cistí in áirithe i gcomhair éiceanuálaíochta, mar shampla chun spriocanna a bhaint amach a bhaineann leis na dúshlán aitheanta shochaíocha.

Leis an bhfuinneog nuathionscanta, a thacaíonn le céim an tsíl agus leis na luathchéimeanna, féadfar infheistíochtaí cothromais a dhéanamh in eagraíochtaí aistrithe eolais agus i gcomhlachais den sórt sin trí thacaíocht a thabhairt d' aistriú teicneolaíochta (lena n-áirítear torthaí taighde agus aireagáin a éiríonn as réimse an taighde phoiblí a aistriú go dtí an earnáil táirgiúla, mar shampla trí chruithúnas an choincheapa) i gcistí caipitil síl, i gcistí síl trasteorann agus i gcistí luathchéime, i meáin chomh-infheistíochta aingeal gnó, i sócmhainní maoinne intleachtúla, in ardáin do mhalartú agus trádáil ar chearta maoinne intleachtúla, agus i gcistí caipitil riosca luathchéime, i measc rudaí eile, agus i gcistí na gcistí a bhíonn ag feidhmiú thar theorainneacha agus infheistiú i gcistí caipitil fiontair. D'fhéadfaí tacú ag céim 3 den Ionstraim FBManna a áireamh air sin faoi réir leibhéal an éilimh a bheidh ann.

Déanfaidh an fuinneog fáis infheistíochtaí ag céimeanna fáis agus fairsingithe i gcomhcheangal leis an tSaoráid Ghnáthscaireanna um Fhás faoi COSME, lena n-áirítear infheistíochtaí i gcistí na gcistí den earnáil phoiblí agus phríobháideach a fheidhmíonn thar theorainneacha agus infheistiú i gcistí caipitil riosca, a ndíreoidh an chuid is mó acu ar théamaí a thacaíonn le cuspóirí Eorpa 2020 a bhaint amach.

3. Nuálaíocht in FBManna

3.1. Cuspóir sonrach

Is é an cuspóir sonrach fás inbhuanaithe eacnamaíoch a spreagadh trí leibhéal nuálaíochta in FBManna a ardú, agus a riachtanais éagsúla nuálaíochta a chuimsiú le linn na timthrialla nuálaíochta go léir i gcás gach cineál nuálaíochta, agus sa chaoi sin níos mó FBManna a chruithú a fhásfaidh go tapa agus a bheidh gníomhach ar bhonn idirnáisiúnta.

Nuair a chuirtear san áireamh an ról lárnach atá ag FBManna i ngeilleagar na hEorpa, is léir go mbeidh ról ríthábhachtach ag taighde agus ag nuálaíocht sna fiontair bheaga agus mheánmhéide ó thaobh cur le hiomaíochas, le fás geilleagrach agus le cruthú post, agus sa chaoi sin spriocanna Eoraip 2020 a bhaint amach, go mór mór maidir lena tionscnamh suaitheanta, an tAontas Nuálaíochta.

In ainneoin go bhfuil sciar tábhachtach eacnamaíochta agus fostaíochta ag FBManna, agus an chaoi a bhféadfaidís nuálaíocht shuntasach a bhaint amach, mar sin féin tá cineálacha éagsúla fadhbanna le sárú acu má tá siad le bheith níos nuálaí agus níos iomaíche lena n-áirítear teirce acmhainní airgeadais agus rochtain ar mhaoiniú, teirce scileanna i mbainistíú nuálaíochta, laigí i líonrú agus i gcomhar le páirtithe seachtracha agus úsáid neamhleor den soláthar poiblí chun nuálaíocht in FBManna a chothú. Cé go mbíonn an oiread céanna, a bheag nó a mhór, de chuideachtaí nuathionscanta san Eoraip is a bhíonn sna Stáit Aontaithe, bíonn sé níos deacra ar FBManna na hEorpa méadú agus éirí ina gcuideachtaí móra ná mar a bhíonn i gcás a macasamhla sna Stáit Aontaithe. Cuirtear brú breise orthu sa timpeallacht ghnó idirnáisiúnta, áit a bhfuil na slabhraí luacha ag éirí níos idircheangailte i gcónaí. Ní mór do FBManna feabhas a chur ar a gcumas taighde agus nuálaíochta. Ní mór dóibh eolas agus smaointe gnó a ghiniúint, a roghnú agus a thráchtáil níos tapúla agus ar bhonn níos leithne chun go mbeidh rath orthu san iomaíocht i margáí domhanda atá ag athrú go tapa. Is é an dúshlán atá ann breis nuálaíochta a spreagadh in FBManna, agus sa chaoi sin a n-iomaíochas, a n-inbhuanaitheacht agus a bhfás a fheabhsú.

Tá sé mar aidhm leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe na beartais nuálaíochta gnó agus na cláir nuálaíochta gnó, idir náisiúnta agus réigiúnach, a chomhlánú, comhar a chothú idir FBManna, lena n-áirítear comhar trasnáisiúnta, comhar idir cnuasaigh agus gníomhaithe ábhartha eile nuálaíochta san Eoraip, chun an bhearna idir T&F agus roghanna rathúla margaidh a líonadh, timpeallacht a chur ar fáil lena n-éascaítear nuálaíocht sa ghnó lena n-áirítear bearta an éilimh agus bearta lena gcuirfean an t-aistriú eolais chun cinn, agus tacaíocht a chur ar fáil lena gcuirfí nádúr athraitheach na bpróiseas nuálaíochta, na teicneolaíochtaí nua, na margáí agus na samhlacha gnó san áireamh.

Bunófar naisc láidre le beartais an Aontais a bhaineann le tionscail faoi leith, go háirithe le COSME agus le cistí an Bheartais Chomhtháthaithe, d'fhonn a chinntiú go mbeidh sineirgí ann agus cur chuige comhtháite.

3.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Is iad FBManna is mó a chuireann nuálaíocht chun cinn toisc go mbíonn siad in ann gnólaíochtaí rathúla a dhéanamh de smaointe nua go tapa agus go héifeachtúil. Tá tábhacht ag baint leo sa chaoi go gcuireann siad eolas breise agus torthaí an taighde ar fáil don mhargadh. Tá ról lárnach ag FBManna maidir le próisis aistrithe teicneolaíochta agus eolais, óir cuidíonn siad le teicneolaíochtaí a thagann chun cinn de bharr taighde in ollscoileanna, taighde i gcuideachtaí ina ndírítear ar thaighde agus taighde i gcomhlachtaí taighde, a aistriú go dtí an margadh. Tá sé léirithe le fiche bliain anuas go ndearna FBManna nuálacha athnuachan ar earnálacha iomlána agus gur chruthaigh siad tionscail nua. Tá fiontair atá ag fás go tapa ríthábhachtach d'fhorbairt tionscal atá ag teacht chun cinn agus chun dlús a chur faoi na hathruithe struchtúracha sin atá riachtanach don Eoraip má tá sí le bheith ina geilleagar eolas-bhunaithe agus inbhuanaithe le fás marthanach agus poist ardcháilíochta.

Bíonn fiontair bheaga agus mheánmhéide le fáil i ngach earnáil den gheilleagar. Cuid níos tábhachtaí de gheilleagar na hEorpa is ea iad ná mar atá i gcás réigiún eile amháil na Stáit Aontaithe. Is féidir le gach cineál FBM dul i mbun nuálaíochta. Is gá iad a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun infheistiú sa taighde agus sa nuálaíocht agus feabhas a chur ar a gcumas próisis nuálacha a bhainistiú. Lena linn sin ba cheart go mbeidís in ann tarraingt ar acmhainneacht iomlán nuálach an mhargaidh inmheánaigh agus LET le deiseanna nua gnó a chruthú san Eoraip agus lasmuigh di agus cabhrú chun teacht ar réitigh ar dhúshlán thábhachtacha na sochaí.

Nuair a ghlacann FBManna páirt i dtaighde agus i nuálaíocht an Aontais neartaíonn sé sin a gcumas T&F agus teicneolaíochta, méadaíonn an méid sin a n-acmhainn eolas nua a fháil amach, a tharraingt chucu féin agus a úsáid, cuireann sé le leas a bhaint as réitithe nua geilleagracha, spreagann sé nuálaíocht maidir le táirgí, seirbhísí agus samhlacha gnó, cuireann sé gníomhaíochtaí gnó chun cinn i margáí níos mó agus cuireann sé bonn idirnáisiúnta faoi ghréasáin eolais FBManna. Sáraíonn feidhmíocht na bhfiontar beag agus meánmhéide feidhmíocht na FBManna eile nuair a bhíonn dea-bhainistíocht na nuálaíochta ar bun acu, rud a fhágann go dtéann siad i muinín saineolais sheachtraigh agus scileanna seachtracha go minic.

Tá comhoibriú trasteorann ina ghné thábhachtach de straitéis nuálaíochta FBManna i ndáil le cuid dá gcuid fadhbanna maidir lena méid a shárú, fadhbanna mar rochtain ar inniúlachtaí teicneolaíochta agus eolaíochta agus ar mhargáí nua. Cabhraíonn siad le brabús a bhaint as smaointe nua agus na cuideachtaí féin a mhéadú, agus infheistiúchth phríobháideach sa taighde agus sa nuálaíocht a mhéadú dá thoradh sin.

Bíonn ról ríthábhachtach ag cláir réigiúnacha agus náisiúnta thaighde agus nuálaíochta i gcur chun cinn FBManna, ar cláir iad a fhaigheann tacaíocht ó bheartas comhtháthaithe na hEorpa go minic. Go háirithe, bíonn ról ríthábhachtach ag cistí an Bheartais Chomhtháthaithe trí chumas a fhorbairt agus cosán i dtreo barr feabhais a sholáthar do FBManna d'fhonn tionscadail den scoth a fhorbairt a d'fhéadfadh dul san iomaíocht chun cistiú a fháil faoi Fhís 2020. Dá ainneoin sin, níl ach cúpla clár náisiúnta agus cúpla clár réigiúnach ann a chuireann cistiú ar fáil

do thaighde trasnáisiúnta agus do ghníomhaíochtaí nuálacha a chuireann FBManna i gcrích, do scaipeadh agus do roghnú réiteach nuálaíochta nó seirbhísí tacaíochta nuálaíochta trasteorann ar fud an Aontais. Is é an dúshlán atá ann tacaíocht atá oscailte ó thaobh téama de a chur ar fáil do FBManna chun tionscadail idirnáisiúnta a chur i gcrích i gcomhréir le straitéisí nuálaíochta cuideachtaí. Tá gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais riachtanach, dá bhrí sin, chun gníomhaíochtaí a gabhadh ar láimh ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal náisiúnta réigiúnach a chomhlánú, d'fhonn feabhas a chur ar a dtionchar agus rochtain a sholáthar ar na córais tacaíochta taighde agus nuálaíochta.

3.3. *Dul na ngníomhaíochtaí*

(a) *Príomhshruthú tacaíochta do FBManna go háirithe trí ionstraim thiomnaithe*

Tabharfar tacaíocht do FBManna le Fís 2020. Chun na críche sin bunófar coinníollacha níos fearr do na FBManna le go mbeidh siad rannpháirteach in Fís 2020. Chomh maith leis sin cuirfidh ionstraim thiomnaithe do FBManna tacaíocht chéimneach gan uaim ar fáil a chuimseoidh an timthriall nuálaíochta ina hiomláine. Beidh ionstraim FBM dírithe ar gach cineál FBM atá nuálach agus a léiríonn uailmhian láidir le dul i mbun forbartha, fáis agus idirnáisiúnaithe. Cuirfear ar fáil í i gcomhair gach cineál nuálaíochta, lena n-áirítear nuálaíochtaí seirbhíse, neamhtheicneolaíochta, agus sóisialta, ó tharla go bhfuil breisluach Eorpach soiléir ag gach gníomhaíocht acu. Is é an aidhm atá ann cumas nuálaíochta FBManna a fhorbairt agus caipitliú a dhéanamh air tríd an mbearna atá sa chistiú i gcomhair taighde ardriosca agus nuálaíochta na céime tosaigh a líonadh, nuálaíochtaí a spreagadh agus an tráchtáil a dhéanann an earnáil phríobháideach ar thorthaí taighde a mhéadú.

Feidhmeoidh an ionstraim faoi chóras bainistithe aonair lárnach, faoi chóras íseal riaracháin agus faoi phointe iontrála aonair. Cuirfear chun feidhme í go príomha 'ón mbun aníos' trí iarraidh leanúnach oscailte.

Cuirfear ionstraim thiomnaithe na bhfiontar beag agus meánmhéide i bhfeidhm do gach ceann de na cuspóirí sonracha maidir le dúshlán shochoíochta agus maidir le ceannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíochta agus cionroinnfear suim airgid chuige sin.

(b) *Tacaíocht d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide dhiantaighde*

Is é an sprioc atá ann cur cinn na nuálaíochta trasnáisiúnta atá dírithe ar an margadh agus atá idir lámha ag FBManna atá i mbun T&F. Díreofar gníomhaíocht shonrach ar FBManna a bhfuil diantaighde ar bun acu in aon earnáil a léiríonn an cumas saothrú tráchtála a dhéanamh ar thorthaí an tionscadail. Beidh an gníomhaíocht sin bunaithe ar Chlár Eurostars.

(c) *Cur le cumas nuálaíochta FBManna*

Tacófar le gníomhaíochtaí trasnáisiúnta a chabhraíonn le cur chun feidhme na mbeart sonracha FBM in Fís 2020 agus a dhéanann comhlánú orthu, go háirithe chun cur le cumas nuálaíochta FBManna. Déanfar na gníomhaíochtaí sin a chomhordú le bearta náisiúnta comhchosúla nuair is iomchuí. Tá sé beartaithe dul i ndlúthchomhar le Líonra an Phoainte Teagmhála Náisiúnta (NCP) agus leis an Líonra Fiontar Eorpach (EEN).

(d) *Tacú le nuálaíocht atá faoi thionchar an mhargaidh*

Tacú le nuálaíocht thrasnáisiúnta atá faoi thionchar an mhargaidh chun feabhas a chur ar chreatchoinníollacha le haghaidh nuálaíochta agus dul i ngleic leis na bacainní sonracha a chuireann cosc ar fhás FBManna nuálacha.

CUID III

DÚSHLÁIN SHOCHÁIOCHA

1. **An tsláinte, an tathrú déimeagrafach agus an fholláine**

1.1. *Cuspóir sonracha*

Is é an cuspóir sonracha sláinte agus folláine gach duine a fheabhsú dá saol ar fad.

Sláinte agus folláine do gach duine ar feadh a shaoil - leanaí, daoine fásta agus daoine níos sine - córais sláinte agus chúraim ar ardcháilíocht, atá inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de agus atá nuálaíoch, agus deiseanna le haghaidh post nua agus fáis, is iad sin na haidhmeanna atá leis an tacaíocht atá á tabhairt don taighde agus don nuálaíocht mar fhreagra ar an dúshlán seo agus is mór an chabhair do Eoraip 2020 a bheidh iontu.

Tá costas a bhaineann le córais sláinte agus chúraim shóisialta an Aontais ag méadú agus tá bearta cúraim agus coiscthe ag éirí níos costasaí i gcás gach duine is cuma cén aois iad; meastar go dtiocfaidh beagnach dúbláil ar líon na nEorpach a bheidh os cionn 65 bhliain d'aois ó 85 milliún in 2008 go dtí 151 milliún faoin mbliain 2060, agus go méadóidh líon na ndaoine os cionn 80 ó 22 milliún go 61 milliún sa tréimhse chéanna. Beidh laghdú nó srianadh na gcostas sin, ionas nach n-éireoidh siad neamh-iniompartha, ag brath, i bpáirt, ar fheabhas a chur ar shláinte agus folláine gach duine ar feadh a shaoil agus ar an ábhar sin braithfidh sin ar ghalair agus míchumas a chos, a leigheas agus a bhainistiú go héifeachtach.

Is iad is príomhthréig le míchumas, drochshláinte, scor de dheasca drochshláinte agus bás anaibí riochtaí agus galair ainsealacha agus leagtar costais shuntasacha ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar mar gheall orthu.

Faigheann breis agus 2 mhilliún duine bás san Aontas gach bliain de bharr galar cardashoithíoch (CVD) agus cosnaíonn sé sin níos mó ná EUR 192 billiún ar an ngeilleagar agus faigheann duine as ceathrar bás de bharr ailse agus is í is mó a thugann bás daoine atá idir 45 agus 64 bliain d'aois. Tá os cionn 27 milliún duine san Aontas ag fulaingt le diaibéiteas agus os 120 milliún a bhfuil riochtaí réamatacha agus matánchnámharlaigh ag cur orthul mórdhúshlán i gcónaí iad galair neamhchoitianta, galair atá tar éis thart ar 30 milliún duine ar fud na hEorpa a bhualadh. Meastar gurb é 800 billiún EURO costais iomlán na neamhord inchinne (lena n-áirítear costais a bhaineann le sláinte mheabhrach, lena n-áirítear an galar dubhach ach gan a bheith teoranta dóibh) Meastar go mbíonn neamhoird inchinne amháin ag gabháil do 165 mhilliún duine san Aontas, ar chostas 118 billiún EURO. Meastar go méadóidh na suimeanna sin go suntasach, go mór mór de bharr daonra na hEorpa a bheith ag dul in aois agus de bharr na méaduithe gaolmhara ar ghalair néarmheathlúchán. Tá baint ag tosca comhshaoil, tosca gairme, stíl mhaireachtála agus tosca socheacnamaíoch lena lán de na riochtaí sin agus meastar go bhfuil baint acu le hoiread is trian den ualach galair ar domhan.

Cúis inní ar fud an domhain iad galair thógálacha (e.g. VEID/SEIF, eitinn agus maláire), agus is orthu sin a leagtar an 41 % den 1.5 billiún bliain coigeartaithe saoil de bharr míchumais ar fud an domhain, a mbaineann 8 % díobh sin leis an Eoraip. Ábhar inní ar fud an domhain freisin is ea galair a bhaineann le bochtaineacht agus galair a ndéantar siléig iontu. Ní mór ullmhú i gcomhair epidéimí atá ag teacht chun cinn, i gcomhair galar tógálach atá á nochtadh féin in athuair (lena n-áirítear galair a bhaineann le huisce) agus don fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh atá ag faire ar mhéadú. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar an mbaol méadaithe i dtaca le galair a iompraíonn ainmhithe.

Idir an dá linn tá próisis forbartha drugaí agus vacsaíní ag éirí níos costasaí agus níos neamhéifeachtaí. Áirítear ar na hiarrachtaí chun an rath maidir le forbairt drugaí agus vacsaíní a mhéadú modhanna malartacha chun tástáil chlasaiceach sábháilteachta agus éifeachtúlachta a ionadú. Ní mór aghaidh a thabhairt ar éagthroime mharthanach sláinte agus riachtanais sainghrúpaí den phobal (e.g. daoine a bhfuil galair neamhchoitianta orthu) agus ní mór rochtain ar chórais sláinte agus chúraim atá éifeachtach agus inniúil a áirithiú do gach duine san Eoraip beag beann ar a n-aois agus a gcúlra.

Déanann tosca eile amhail cothú, gníomhaíocht choirp, rachmas, cuimsiú, rannpháirtíocht, caipiteal sóisialta agus obair difear freisin don tsláinte agus don fholláine agus ní mór cur chuige iomlánaíoch a chur i bhfeidhm.

Tiocfaidh athrú ar an struchtúr aoise agus ar struchtúr an daonra san Eoraip toisc gur airde anois an t-ionchas saoil atá ann. Dá bhrí sin, beidh an taighde lena gcuirfear le sláinte ar feadh an tsaoil, le haosú gníomhach agus leis an bhfolláine do chách rithábachtach chun an tsochaí a chur in oiriúint go rathúil don athrú déimeagrafach.

1.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Ní chuireann teorainneacha náisiúnta bac ar ghalar ná ar mhíchumas. Maidir leis na dúshlán sin, is féidir, trí iarracht iomchuí i ndáil le taighde, forbairt agus nuálaíocht ar leibhéal na hEorpa, i gcomhar le tríú tíortha agus le rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí uile, lena n-áirítear othair agus úsáideoirí deiridh, cur go mór le haghaidh a thabhairt ar na dúshlán dhomhanda sin, agus dá bhrí sin saothrú chun Spriocanna Forbartha Mílaoise na Náisiún Aontaithe a bhaint amach, agus sláinte agus folláine a áirithiú do gach duine agus faoi sheasamh na Eorpa mar cheannaire i margaí domhanda na nuálaíochta sa tsláinte agus san fholláine a áirithiú, margaí atá ag athrú go tapa.

Braithfidh an fhreagairt air sin ar thaighde den scoth lena bhféadfaí feabhas a chur ar an tuiscint bhunúsach atá againn ar na nithe is cúis le sláinte, galar, míchumas, coinníollacha sláintiúla fostaíochta, forbairt agus dul in aois (lena n-áirítear ionchas saoil), agus ar an gcaoi a n-aistreofar an t-eolas a gheofar de bharr an taighde sin agus an t-eolas atá ann cheana, go forleathan agus gan uaim, chuig táirgí, straitéisí, idirghabhálacha agus seirbhísí a bheidh nuálaíoch, intomhaiste, éifeachtach, sábháilte agus inrochtana. Ina theannta sin, mar gheall ar ábharthacht na ndúshlán sin ar fud na hEorpa, agus i mórán cásanna, ar fud an domhain, éilítear freagairt orthu a mbeidh tacaíocht fhadtéarmach chomhordaithe á tabhairt do chomhoibriú idir foirne ildisciplíneacha, ilearnála den scoth mar chuid di. Tá sé riachtanach freisin aghaidh a thabhairt ar an dúshlán ó thaobh léargas na n-eolaíochtaí sóisialta agus eacnamaíochta agus na ndaonnachtaí.

Ar an gcaoi chéanna, tá an dúshlán chomh casta sin agus na comhpháirteanna chomh hidirspiléach ar a chéile go gcaithfear freagairt dóibh ar leibhéal na hEorpa. Tá infheidhmeacht ag mórán cineálacha cur chuige, uirlísí agus teicneolaíochtaí ar fud mórán réimsí taighde agus nuálaíochta a mbaineann an dúshlán sin leo agus is ar leibhéal an Aontais is fearr a thabharfar tacaíocht dóibh. Áirítear leo sin an bunús móilíneach atá le galair a thuiscint, straitéisí teirpeacha agus nuálaíochta agus córais núíosacha samhla a shainaitheint, cur i bhfeidhm ildisciplíneach an eolais san fhísic, sa cheimic agus sa bhiteolaíocht chóras, cohóirt fhadtéarmacha agus cur i gcrích trialacha cliniciúla (lena n-áirítear díriú ar fhorbairtí agus éifeachtaí na gcógas i ngach aoisghrúpa), úsáid chliniciúil a bhaint as na córais eolaíochta "-omics", agus as an mbithleigheas córas nó forbairt TFC agus cur i bhfeidhm na nithe sin i gcleachtas an chúram sláinte, go háirithe sa ríomhshláinte. Is fearr aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha daonraí faoi leith ar bhealach comhtháite, mar shampla i bhforbairt an leighis shrathaithe agus/nó phearsanta, trí chóir leighis a dhéanamh ar ghalair neamhchoitianta, agus trí shocrúithe a cheapadh le cur ar chumas daoine maireachtáil go neamhspleách nó le cúnaimh ó dhaoine eile.

Cuirfear tacaíocht ar fáil do réimse iomlán na ngníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta chun éifeacht na ngníomhartha ar leibhéal an Aontais a uasmhéadú. Idir thaighde bunúsach, aistriú eolais faoi na galair go teiripic nua, thrialacha móra, ghníomhaíochtaí piolótacha agus léirithe, tharraingt ar infheistíocht phríobháideach; agus sholáthar poiblí agus réamhthráchtálach táirgí, sheirbhísí nua, réitigh intomhaiste atá comh-inoibritheach nuair is gá sin agus a bhfuil tacaíocht ar fáil dóibh trí chaighdeán atá sainmhínithe agus/nó trí threoirlínte coitianta. Cuirfidh an iarracht chomhordaithe, Eorpach seo le cumais eolaíochta sa taighde sláinte agus tacóidh sí le forbairt leanúnach an Limistéir Eorpaigh Taighde. Beidh nasc idir an iarracht sin, nuair is iomchuí sin, le gníomhaíochtaí a dhéantar a fhorbairt i gcomhthéacs an Chláir Sláinte le haghaidh Fáis, na dTionscnamh Comhphleanála, lena n-áirítear "Taighde ar an nGalar Néar-Meathlúcháin", "Aiste Bia Sláintiúil le haghaidh Saoil Shláintiúil", "Frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh", agus "Fad Saol, Scoth Saoil" chomh maith leis an gComhpháirtíocht phiolótach Eorpach um Nuáil maidir le hAosú Gníomhach agus Folláin.

Is ardán geallsealbhoirí a bheidh dírithe ar an eolaíocht a bheidh sa Phainéal Eolaíoch le haghaidh Sláinte ina mionléireofar an t-ionchur eolaíoch a bhaineann leis an Dúshlán Sochaíoch sin. Cuirfidh sé anailís shoiléir eolaíoch fócasaithe ar fáil maidir le scrogaill taighde agus nuálaíochta agus maidir le deiseanna a bhaineann leis an Dúshlán Sochaíoch sin, cuideoidh sé lena thaighde agus lena thosaíochtaí nuálaíochta a shainmhíniú agus spreagfaidh sé rannpháirtíocht eolaíoch ar fud an Aontais ann. Trí chomhar gníomhach le geallsealbhoirí, cuideoidh sé le cumais a fhorbairt agus le comhroinnt eolais a chothú agus le comhoibriú níos láidre ar fud an Aontais sa réimse sin.

1.3. *Dul na ngníomhaíochtaí*

Coiscítear galair agus cuidítear leis an bhfolláine a fheabhsú trí chur chun cinn éifeachtach na sláinte, a fhaigheann tacaíocht ó bhonn fianaise stóinsithe, agus tá sé éifeachtúil ó thaobh costais de chomh maith. Braitheann cur chun cinn na sláinte, aosú gníomhach, folláine agus cosc ar ghalair ar thuiscint ar na nithe is cúis le sláinte freisin, ar uirlisí coiscitheacha éifeachtacha, ar fhaireachas agus ullmhacht éifeachtach maidir le sláinte agus galar, agus ar chláir scagthástála éifeachtacha freisin. Éascaítear cur chun cinn éifeachtach sláinte freisin trí fhaisnéis níos fearr a sholáthar do shaoránaigh, rud a spreagann roghanna freagracha ó thaobh sláinte.

Is le tuiscint bhunúsach ar na nithe is cúis leo agus ar chúiseanna na nithe sin a chuirtear buntaca faoi iarrachtaí rathúla chun galair, míchumas, anbhainne agus feidhmiú laghdaithe a chosc, a luathbhrath, a bhainistiú, cóir leighis a chur orthu agus iad a leigheas, agus le tuiscint i leith a gcuid bpróiseas agus a n-iarmhairtí, mar aon leis na fachtóirí is bun le dea-shláinte agus folláine. D'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar an tsláinte agus ar ghalair, caithfidh dlúthnasc a bheith ann idir taighde bunúsach, taighde cliniciúil, taighde eipidéimeolaíochta agus taighde socheacnamaíoch. Tá sé riachtanach freisin go ndéanfaí sonraí a chomhroinnt go héifeachtach, go ndéanfaí próiseáil chaighdeánaithe ar na sonraí agus go ndéanfaí na sonraí sin a nascadh le staidéir chohoirt mhórscaála, chomh maith le torthaí taighde a aistriú go dtí an clinic, go háirithe trí thrialacha cliniciúla a dhéanamh, trialacha ar cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar gach aoisghrúpa chun a áirithiú go mbeidh cógais curtha in oiriúint dá n-úsáid siúd.

Toisc go bhfuil na seanghalair thógálacha á nochtadh féin athuair, lena n-áirítear an eitinn agus toisc gur mó anois ná riamh na galair atá inghoiscthe trí vacsaíní, leagtar béim ar an ngá atá le cur chuige cuimsitheach i leith galar a bhaineann leis an mbochtaineacht agus i leith galar a bhfuil siléig déanta iontu. A dhála sin, éilíonn an fhadhb mhéadaitheach atá ann maidir le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh cur chuige cuimsitheach comhchosúil.

Ba cheart leigheas pearsanta a fhorbairt d'fhonn roinnt cur chuige coiscitheach agus teiripeach a oiriúint do riachtanais an othair, agus ní mór buntaca a chur fúthu tríd an ngalar a luathbhrath. Is dúshlán don tsochaí é í féin a chur in oiriúint do na héilimh bhreise a bheidh ar na hearnálacha sláinte agus cúraim de bharr an daonra a bheith ag dul in aois. Má táthar chun sláinte agus cúram éifeachtach do chách a chothabháil, tá gá le hiarrachtaí chun feabhas a chur ar chinnteoireacht maidir le cosc agus cóir leighis a sholáthar, chun scaipeadh an dea-chleachtas a shainaitheint agus chun tacú leis sna hearnálacha sláinte agus cúraim, agus chun tacú le cúram comhtháite. Is trí thuiscint níos fearr a fháil ar phróiseas an aosaithe agus ar na galair sin a bhaineann le haois a chos, a choinneofar saoránaigh na hEorpa sláintiúil agus gníomhach ar feadh a saoil. Tá sé chomh tábhachtach céanna go bhfuil nuálaíochtaí teicneolaíochta, sóisialta, eagraíochtúla agus sóisialta á roghnú go forleathan, lena gcuirtear ar chumas daoine scothaosta go háirithe, daoine a bhfuil galair ainsealacha orthu chomh maith le daoine atá faoi mhíchumas, fanacht gníomhach, agus neamhspleách. Má dhéanatar é sin cuideofar le tréimhse a bhfolláine fisicí, sóisialta agus intinne a mhéadú agus a fhadú.

Déanfar na ngníomhaíochtaí sin go léir a ghabháil ar láimh ar bhealach lena gcuirfear tacaíocht ar fáil ar feadh an timthrialla taighde agus nuálaíochta, lena neartófar iomaíochas na dtionscal atá bunaithe san Eoraip agus

lena bhforbrófar deiseanna margaidh nua. Leagfar béim freisin ar theagmháil a dhéanamh le gach geallsealbhoir sláinte - lena n-áirítear othair agus eagraíochtaí othar, soláthróirí sláinte agus cúraim - d'fhonn clár oibre taighde agus nuálaíochta a fhorbairt ina mbeidh saoránaigh rannpháirteach go gníomhach agus ina léirítear a riachtanais agus a n-ionchais.

Áireofar na nithe seo a leanas leis na gníomhaíochtaí sonracha: tuiscint a fháil ar na nithe is cinntithe le sláinte (lena n-áirítear fachtóirí a bhaineann le cothú, le gníomhaíocht choirp, leis an gcomhshaol, le cúrsaí socheacnamaíochta agus le gairm, le hinscne, agus leis an aeráid), ar nithe iad lena gcuirtear feabhas ar chur chun cinn na sláinte agus ar chosc an ghalair; galair a thuiscint agus feabhas a chur ar fháthmheas agus ar thuaras; clár galarchoisc agus scagthástála éifeachtacha a fhorbairt agus feabhas a chur ar an measúnú a dhéantar ar shoghábháilacht i leith galair; an faireachas ar ghalair thógálacha agus ar ullmhacht a fheabhsú chun eipidimí agus galair atá ag teacht chun cinn a chomhrac; vacsaíní agus drugaí coisctheacha agus teiripeacha nua agus níos fearr a fhorbairt; cógas in-silico a úsáid chun bainistiú agus tuar galar a fheabhsú; cógais athghiniúnacha, cóireálacha oiriúnaithe a fhorbairt agus chun galair a chóireáil, lena n-áirítear cógas maolaitheach; eolas a aistriú go dtí cleachtas cliniciúil agus gníomhaíochtaí nuálaíochta intomhaiste; faisnéis faoin tsláinte a fheabhsú agus sonraí cohóirt agus riarachán sláinte a thiomsú agus a úsáid ar bhealach níos fearr; anailís chaighdeánaithear na sonraí agus na teicnící; aosú gníomhach, maireachtáil neamhspleách agus chuidithe; feachtas agus cumhachtú aonair i gcomhair fhéin-bhainistiúcht na sláinte; cúram comhtháite a chur chun cinn, lena n-áirítear gnéithe síceasóisialta; feachtas a chur ar uirlisí eolaíochta agus ar mhodhanna chun tacú le cinnteoireacht agus riachtanais rialála; agus éifeachtúlacht agus éifeachtacht an tsoláthair de chúram sláinte a bharrfheabhsú agus éagthoimí sláinte agus neamhionannais a laghdú trí chinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise agus ar scaipeadh an deachleachtais, mar aon le teicneolaíochtaí agus cuir chuige nuálaíochta. Ní mór rannpháirtíocht ghníomhach soláthróirí cúraim sláinte a spreagadh chun go mbeidh glacadh agus cur chun feidhme tapa ann maidir le torthaí.

2. **Sábháilteacht an tsoláthair bia, an talmhaíocht agus an foraoiseacht inbhuanaithe, taighde ar chúrsaí na mara agus ar chúrsaí muirí agus ar uisce intíre agus an bithghéilleagar**

2.1. *Cuspóir sonrach*

Is é an cuspóir sonrach soláthair leordhóthanacha bia sábháilte, sláintiúil agus ardchaighdeán agus táirgí eile bithbhunacha a dhaingniú, trí chórais táirgthe phríomhúla a fhorbairt atá táirgiúil, inbhuanaithe agus éifeachtach ó thaobh acmhainní de, lena gcothófar seirbhísí éiceachórais lena mbaineann agus téarnamh na bithéagsúlachta, in éineacht le slabhraí soláthair, próiseála agus margaidh ísealcharbóin agus iomaíochta. Ar an mbealach sin déanfar an t-aistriú chuig bithghéilleagar Eorpach inbhuanaithe a luathú agus laghdófar an bhearna idir teicneolaíochtaí nua agus cur chun feidhme na dteicneolaíochtaí sin.

Thar na blianta seo atá romhainn amach, beidh dúshlán eile os comhair na hEorpa, lena n-áirítear iomaíocht mhéadaithe i leith acmhainní nádúrtha teoranta agus finideacha, iarmhairtí an athraithe aeráide, go háirithe ar chórais táirgthe phríomhúla (talmhaíocht lena n-áirítear riar ainmhithe agus gairneoireacht, foraoiseacht, iascach agus dobharshaothrú) agus an gá le soláthar bia inbhuanaithe, sábháilte agus slán a chur ar fáil do dhaonra na hEorpa agus do dhaonra an domhain atá ag dul i méid. Meastar go mbeidh méadú 70 % ar sholáthar bia an domhain riachtanach chun bia a sholáthar do dhaonra 9 billiún an domhain faoin mbliain 2050. Eascraíonn 10 % d'astaíochtaí gáis cheaptha teasa an Aontais ón talmhaíocht, agus cé go bhfuil laghdú ag teacht orthu san Eoraip, meastar go dtiocfaidh méadú suas le 20 % ar astaíochtaí ón talmhaíocht ar fud an domhain faoi 2030. Ina theannta sin, ní mór don Eoraip soláthair leordhóthanacha amháibhar, fuinnimh agus táirgí tionsclaíochta a tháirgtear ar bhealach inbhuanaithe a áirithiú, i ndálaí ina mbeidh acmhainní breosla iontaise ag dul i léig (meastar go dtiocfaidh laghdú thart ar 60 % ar tháirgeadh ola agus gáis leachtaigh faoi 2050), ach beidh uirthi fanacht iomaíoch ag an am céanna. Is fadhb mhór í an bhithdhramhaíl (meastar go bhfuil suas le 138 milliún tonna in aghaidh na bliana san Aontas, agus go bhfuil suas le 40 % de í líonta talún) a bhfuil costas ard i gceist léi, d'ainneoin an bhreisluach ard a d'fhéadfadh a bheith aici.

Mar shampla, cuirtear thart ar 30 % den bhia uile a tháirgtear i dtíortha forbartha i leataobh. Is gá athruithe móra a dhéanamh chun an méid sin a laghdú 50 % san Aontas faoi 2030⁽¹⁾. Ina theannta sin, ní bhaineann teorainneacha náisiúnta le hábhar maidir le hiondul agus leathadh galar agus lotnaidí planda agus ainmhí, lena n-áirítear galair zónóiseacha, agus pataiginí bia-iompartha. Cé go bhfuil gá le bearta coisctheacha náisiúnta éifeachtacha, tá gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais riachtanach le haghaidh rialú deiridh agus riaradh éifeachtúil an mhargaidh aonair. Tá an dúshlán casta, tá tionchar aige ar raon leathan earnálacha idirnasctha agus tá cur chuige iomlánaíoch agus sistéamach ag teastáil ina leith.

(1) COIM(2011)0112.

Tá níos mó acmhainní bitheolaíochta ná riamh ag teastáil chun go sásófar éileamh an mhargadh ar sholáthar bhia atá slán agus sláintiúil, ar bithábhar, ar bhithbhreoslaí agus ar tháirgí bithbhunacha, ó earraí tomhaltais go dtí bulc-heimiceáin. Tá cumas teoranta ag na héiceachórais trastíre agus uisceach atá riachtanach do tháirgeadh na n-acmhainní áfach, fad is a bhíonn éilimh ag coimhlint lena chéile maidir lena úsáid na gcumas sin, agus go minic ní dhéantar iad a bhainistiú ar an mbealach is fearr, mar atá léirithe mar shampla trí mheathlú mór a tháinig ar chion carbóin agus ar thorthúlacht na hithreach agus an t-idiú ar an stoc éisc. Tá raon feidhme tearcúsáidte ann chun seirbhísí éiceachórais a chothú ó thalamh feirme, foraoisí, uisce na mara agus fionnuisce trí spriocanna agramaíochta, comhshaoil agus sóisialta a chomhtháthú i dtáirgeadh inbhuanaithe agus i dtomhaltas inbhuanaithe.

Féadfar acmhainneacht acmhainní bitheolaíochta agus éiceachóras a úsáid ar bhealach i bhfad níos inbhuanaithe, níos éifeachtúla agus níos comhtháite. Mar shampla, d'fhéadfaí leas níos fearr a bhaint as acmhainneacht na bithmhaise ó fhoraoisí agus sruthanna dramhaíola ó bhunús talmhaíochta, uisceacha, thionsclaíochta agus bhordasacha.

Go bunúsach, tá gá le trasdul i dtreo úsáid bharrmhaith agus in-athnuaite acmhainní bitheolaíochta agus i dtreo príomhchóras próiseála agus táirgthe inbhuanaithe, lena bhféadfaí níos mó bia, snáithín agus táirgí bithbhunacha eile a tháirgeadh agus ag an am céanna na hionchuir, an tionchar ar an gcomhshaoil agus astaíochtaí gáis cheaptha teasa a íoslaghdú, chomh maith le seirbhísí éiceachórais a fheabhsú, gan aon dramhaíl a bheith i gceist agus luach leormhaith a chruthú don tsochaí. Is í an aidhm córais táirgiúlachta bia a bhunú lena ndéanfar an bonn acmhainní a neartú, a atreisiú agus a chothú agus lena bhféadfar rachmas inbhuanaithe a ghiniúint. Ní mór dúinn na freagairtí ar an gcaoi a ghintear, a dháiltear, a mhargaítear, a idéitear agus a rialaítear an táirgeadh bia a thuiscint agus a fhorbairt ar bhealach níos fearr. Tá iarracht chriticiúil den nuálaíocht agus den taighde a bheith idirnasctha ina príomhghné chun é sin a bhaint amach, san Eoraip agus níos faide anonn, mar aon le hidirphlé leanúnach idir geallsealbhoirí polaitiúla, sóisialta, eacnamaíochta agus eile.

2.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Is iad an talmhaíocht, an fhoraoiseacht, an t-iascach agus an doibharshaothrú mar aon leis na tionscail bhithbhunacha na mórearnálacha atá mar bhonn agus mar thaca ag an mbithgheilleagar. Tá margadh mór atá ag dul i méid i gceist leis an mbithgheilleagar. Meastar gur fiú breis agus EUR 2 thrilliún é, lena soláthraítear 20 milliún post agus lena bhain 9 % den fhostaíocht iomlán san Aontas in 2009. Cuirfidh infheistíochtaí i dtaighde agus i nuálaíocht faoin dúshlán sochaíoch sin ar chumas na hEorpa ceannaireacht a ghlacadh sna margáí lena mbaineann agus beidh ról acu i gcuspóirí na straitéise Eoraip 2020 a bhaint amach, mar aon lena tionscnaimh shuaitheanta – an tAontas Nuálaíochta agus Eoraip atá Éifeachtúil ar Acmhainní.

Ginfeadh breisluach mór Aontais de thoradh ar bhithgheilleagar Eorpach atá iomlán feidhmiúil – lena gcuimsítear táirgeadh inbhuanaithe acmhainní in-athnuaite ó thimpeallachtaí talún, iascaigh agus doibharshaothraithe agus iad a aistriú go dtí bia, beatha, táirgí snáithín bithbhunacha agus bithfhuinneamh, mar aon leis na hearraí poiblí gaolmhara. Comhthreormhar leis an bhfeidhm a bhaineann leis an margadh, cothaíonn an bithgheilleagar freisin raon leathan d'fheidhmeanna leasa poiblí, bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais. Má dhéantar é a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, féadfar lorg comhshaoil an táirgthe phríomhúil agus an tslabhra soláthair ina iomláine a laghdú. Féadfar a n-iomaíochas a mhéadú, féintuilleamaí na hEorpa a fheabhsú agus poist agus deiseanna gnó a sholáthar atá rithabhachtach d'fhorbairt tuaithe agus cósta. Is de chineál Eorpach agus domhanda iad na dúshláin a bhaineann le sábháilteacht an tsoláthair bhia, le talmhaíocht agus feirmeoireacht inbhuanaithe, le táirgeadh uisceach, le foraoiseacht agus leis an mbithgheilleagar foriomlán. Tá gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais riachtanach chun braislí a thabhairt le chéile chun an leithead agus an mhais chriticiúil atá riachtanach le haghaidh iarrachtaí a dhéanann Ballstát nó grúpaí Ballstát a chomhlánú. Trí bhíthin cur chuige ilghníomhaí, áiritheofar na hidirghníomhaíochtaí crostoircithe riachtanacha idir taighdeoirí, gnóthaí, feirmeoirí/táirgeoirí, comhairleoirí agus úsáideoirí deiridh. Tá gá le gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais freisin chun comhchuibheas a áirithiú agus aghaidh á tabhairt ar an dúshlán sin thar earnálacha agus le naisc láidre le beartais ábhartha an Aontais. Trí thaighde agus nuálaíocht a chomhordú ar leibhéal an Aontais, tabharfar spreagadh agus cabhrófar chun na hathruithe riachtanacha a luathú ar fud an Aontais.

Nascfar taighde agus nuálaíocht le raon leathan beartas de chuid an Aontais agus le spriocanna gaolmhara, agus tacóidh siad lena gcur i ngníomh, ar beartas iad lena n-áirítear an Comhbheartas Talmhaíochta (go háirithe an Beartas Forbartha Tuaithe, na Tionscnaimh Chomhphleanála, lena n-áirítear "Talmhaíocht, Slándáil Bia agus Athrú Aeráide", "Réim Bia Shláintiúil le haghaidh Saoil Shláintiúil"; agus "Farraige agus Aigéin Shláintiúla agus Tháirgiúla") agus an Chomhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach 'Táirgiúlacht agus Inbhuanaitheacht Talmhaíochta' agus an Chomhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach maidir le hUisce, an Comhbheartas Iascaigh, an Beartas Muirí Comhtháite, an Clár Eorpach um Athrú Aeráide, an Treoir Réime Uisce⁽¹⁾, an Treoir Réime maidir le Straitéis Mhuirí⁽²⁾, Plean Gníomhaíochta AE um Fhoraoiseacht, an Straitéis Théamach Ithreach, Straitéis Bithéagsúlachta 2020 an Aontais, an Plean Straitéiseach um Theicneolaíocht Fuinnimh, beartais nuálaíochta agus thionsclaíochta an Aontais, beartais sheachtracha agus beartais chúnamh don fhorbairt, straitéisí sláinte plandaí, straitéisí leasa agus sláinte ainmí

⁽¹⁾ Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíochtaí Comhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

⁽²⁾ Treoir 2008/56/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíochtaí Chomhphobail i réimse an bheartais chomhshaoil muirí (Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19).

agus creatáí rialála chun an comhshaoil, an tsláinte agus an tsábháilteacht a chosaint, chun éifeachtúlacht acmhainní agus gníomhaíocht ar mhaithe leis an aeráid a chur chun cinn, agus chun dramhaíl a laghdú. Má dhéantar an timthriall iomlán ón mbuntaighde go dtí an nuálaíocht a chomhtháthú níos fearr i mbeartais ghaolmhara an Aontais, cuirfear feabhas suntasach ar a mbreisluaigh Aontais, soláthrófar iarmhairtí gearála, méadófar a n-ábharthacht shochaíoch, soláthrófar táirgí sláintiúla bia agus cabhrófar le margáí bithghéilleagair agus margáí bainistíochta aigéan, farraigí agus talún inbhuanaithe a fhorbairt a thuilleadh.

Ar mhaithe le tacú le beartais an Aontais a bhaineann leis an mbithghéilleagar agus chun rialachas agus faireachán ar an taighde agus ar an nuálaíocht a éascú, déanfar taighde socheacnamaíoch agus gníomhaíochtaí forásacha maidir leis an straitéis bithghéilleagair, lena n-áirítear forbairt táscairí, bunachar sonraí, samhlacha, fadbhreathnaitheacht agus tuar, measúnú tionchair ar thionscnaimh maidir leis an ngeilleagar, leis an tsochaí agus leis an gcomhshaoil.

Tacófar le gníomhaíochtaí a spreagann ag dúshlán iad ina ndíreofar ar thairbhí sóisialta, eacnamaíochta agus comhshaoil agus ar nuachóiriú na margáí agus na n-earnálacha a bhaineann leis an mbithghéilleagar trí thaighde ildisciplíneach, lena spreagfar an nuálaíocht agus forbrófar straitéisí, cleachtais, táirgí inbhuanaithe agus próisis nua mar thoradh air sin. Saothrófar cur chuige forleathan i leith na nuálaíochta chomh maith, ó nuálaíocht teicneolaíochta, neamh-teicneolaíochta, eagraíochtúil, eacnamaíoch agus shóisialta go dtí, mar shampla, bealaí le teicneolaíocht a aistriú, samhlacha nua gnó, brandáil agus seirbhísí. Ní mór a aithint gur féidir le feirmeoirí agus le fiontair bheaga agus mheánmhéide rannchuidiú leis an nuálaíocht. Cuirfear san áireamh sa chur chuige i leith an bhithghéilleagair a thábhachtaí atá an t-eolas agus an éagsúlacht áitiúil.

2.3. *Dul na ngníomhaíochtaí*

(a) Talmhaíocht agus foraoiseacht inbhuanaithe

Is í an aidhm soláthar leordhóthanach bia, beatha, bithmhais agus amhábhair eile a chur ar fáil, agus acmhainní nádúrtha amháil uisce agus ithir agus bithéagsúlacht a chosaint, i bpeirspictíocht Eorpach agus dhomhanda, agus seirbhísí éiceachóras a fheabhsú, lena n-áirítear dul i ngleic leis an athrú aeráide agus é a mhaolú. Díreofar na gníomhaíochtaí ar cháilíocht agus ar luach na dtáirgí talmhaíochta a ardú trí thalmhaíocht níos inbhuanaithe agus níos táirgiúla a sheachadadh, lena n-áirítear riar ainmhithe agus córais foraoiseachta atá éifeachtach ó thaobh acmhainní (sa mhéid a bhaineann le hisealcharbón agus le ionchur íseal seachtrach agus uisce) a chosnaíonn acmhainní nádúrtha, atá éagsúil, a tháirgeann níos lú dramhaíola, ar féidir iad a chur in oiriúint do chomhshaoil athraitheach, agus atá athléimneach. Ina theannta sin, díreofar na gníomhaíochtaí ar sheirbhísí, ar choincheapa agus ar bheartais le haghaidh slite beatha tuaithe rathúla a fhorbairt agus tomhaltas inbhuanaithe a spreagadh.

Go háirithe i gcás na foraoiseachta, tá sé mar aidhm bithmhais agus táirgí bithbhunacha a tháirgeadh, agus córais seirbhísí éiceolaíochta a chur ar fáil bhealach inbhuanaithe, ag féachaint go cuí do ghnéithe eacnamaíochta, éiceolaíochta agus sóisialta na foraoiseachta. Leis na gníomhaíochtaí, beifear ag díriú ar tháirgeadh agus ar inbhuanaitheacht na gcórais foraoiseachta inbhuanaithe a fhorbairt tuilleadh, ar córais iad atá éifeachtach ó thaobh acmhainní agus lena gcuideofar go mór le hathléimneacht na foraoise agus le cosaint na bithéagsúlachta agus lena bhféadfar freastal ar an mbeiris éilimh atá ar bhithmhais.

Féachfar freisin ar an idirghníomhaíocht idir plandaí feidhmiúla agus an tsláinte agus an fholláine, agus ar shaothrú na gairneoireachta agus na foraoiseachta chun glasú uirbeach a fhorbairt.

(b) Earnáil agrabhia inbhuanaithe agus iomaíocht le haghaidh réime bia atá sábháilte agus sláintiúil

Tá sé mar aidhm riachtanais saoránach agus an chomhshaoil maidir le bia sábháilte, sláintiúil agus inacmhainne a chomhlíonadh, agus chun próiseáil agus scaipeadh agus tomhailt bia agus beatha a dhéanamh níos inbhuanaithe agus earnáil an bhia a dhéanamh níos iomaíche ag féachaint, ag an am céanna, do ghné chultúrtha cháilíocht an bhia. Díreofar na gníomhaíochtaí ar bhíanna sláintiúla agus sábháilte do chách, ar roghanna eolasacha ag tomhaltóirí, ar réitigh maidir le réimeanna bia agus ar nuálaíochtaí le haghaidh dea-shláinte agus ar mhodhanna próiseála bia iomaíochta lena n-úsáidtear níos lú acmhainní agus breiseáin agus lena dtáirgtear níos lú fotháirgí, dramhaíola agus gás ceaptha teasa.

(c) Acmhainneacht acmhainní uisceacha beo a scaoileadh

Is í an aidhm acmhainní uisceacha beo a bhainistiú, a shaothrú ar bhonn inbhuanaithe agus a chothabháil chun tairbhí/torthaí sóisialta agus eacnamaíochta ó aigéin, ó fharraigí agus ó uiscí intíre na hEorpa a uasmhéadú agus bithéagsúlacht a chosaint san am céanna. Díreofar na gníomhaíochtaí ar ranníocaíocht bharrmhaith chun soláthairtí bia a dhaingniú trí iascach inbhuanaithe atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil a fhorbairt, trí bhainistíocht inbhuanaithe a dhéanamh ar éiceachórais a chuireann táirgí agus seirbhísí ar fáil, mar aon le doibharshaothrú Eorpach iomaíoch agus neamhdhíobhálach don chomhshaoil i gcomhthéacs an gheilleagair dhomhanda, agus ar nuálaíocht mara agus muirí trí bhiteicneolaíocht a fheabhsú chun fás cliste "gorm" a mhéadú.

- (d) Tionscail bhithbhunacha inbhuanaithe agus iomaíocha agus tacaíocht le haghaidh bithghilleagar Eorpach a fhorbairt.

Is í an aidhm tionscail bhithbhunacha Eorpacha ísealcharbóin, inbhuanaithe agus iomaíocha atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní de a chur chun cinn. Díreofar na gníomhaíochtaí ar an mbithghilleagar eolas-bhuanaithe a chothú trí tháirgí agus próisis thionsclaíocha thraidisiúnta a aistriú go dtí cinn atá tíosach ar fhuinneamh agus cinn ina mbaintear úsáid as acmhainní bithbhunacha, ar bhithscaglanna comhtháite dara glúin agus ghlúine iardain a fhorbairt, ar an leas is fearr is féidir a bhaint as bithmhais ó tháirgeadh príomhúil, lena n-áirítear iarmhair, fotháirgí bithdhrumhaíola agus an tionscail bhithbhunaigh, agus margáí nua a oscailt trí thacú le córais le haghaidh caighdeánaithe agus deimhniúcháin, rialála agus taispeántais/trialach allamuigh agus gníomhaíochtaí eile, agus iarmhairtí an bithghilleagair ar úsáid na talún agus athruithe in úsáid na talún á gcur san áireamh, mar aon le tuairimí agus le hábhair inní na sochaí sibhialta.

- (e) Taighde ar chúrsaí na mara agus ar chúrsaí muirí

Is í an aidhm tionchar aigéan agus farraigí AE ar an tsochaí agus ar fhás eacnamaíoch a mhéadú trí acmhainní muirí a shaothrú ar bhonn inbhuanaithe chomh maith le leas a bhaint as foinsí éagsúla den fhuinneamh muirí agus as an réimse leathan úsáidí a bhaintear as na farraigí.

Díreofar gníomhaíochtaí ar na dúshlán a ghabhann le heolas leathan eolaíochta agus teicneolaíochta i dtaobh cúrsaí mara agus cúrsaí muirí d'fhonn acmhainneacht na bhfarraigí agus na n-uiscí intíre a scaoileadh i raon tionscal mara agus muirí, ag féachaint, ag an am céanna, leis an gcomhshaol a chosaint agus leis an gcur in oiriúint don athrú aeráide. Trí chur chuige straitéiseach comhordaithe le haghaidh taighde ar chúrsaí mara agus muirí ar fud gach dúshlán agus colúin de Fís 2020 tacófar le beartais ábhartha an Aontais a chur chun feidhme freisin agus cuideoidh sé sin le croí-chuspóirí gorma fáis a sheachadadh.

3. Fuinneamh atá slán, glan agus éifeachtúil

3.1. Cuspóir sonracha

Is é an cuspóir sonracha aistriú go dtí córas fuinnimh atá iontaofa, inacmhainne, inbhuanaithe agus iomaíoch agus a nglacfaidh an pobal leis, lena ndírítear ar spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú chun dul i ngleic le hacmhainní atá ag éirí níos teirce, le riachtanais fuinnimh atá ag éirí níos géire agus leis an athrú aeráide.

Tá sé beartaithe ag an Aontas astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 20 % faoi bhun leibhéal 1990 faoin mbliain 2020, agus tá sé beartaithe laghdú breise 80-95 % a dhéanamh faoin mbliain 2050. Ina theannta sin, ba cheart go gcumhdófaí 20 % den ídiú fuinnimh deiridh le foinsí in-athnuaite fuinnimh in 2020, mar aon le sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 20 %. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, beidh gá le hollchóirí ar an gcóras fuinnimh lena gceanglófar próifíl ísealcharbóin, agus roghanna malartacha ar bhreoslaí iontaise, slándáil fuinnimh agus inacmhainneacht a fhorbairt, agus iomaíochas eacnamaíoch na hEorpa á threisiú ag an am céanna. Tá an Eoraip i bhfad ón sprioc fhoriomlán sin faoi láthair. Braitheann 80 % de chóras fuinnimh na hEorpa ar bhreoslaí iontaise go fóill, agus táirgeann an earnáil 80 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an Aontais. D'fhonn cuspóirí fadtéarmacha an Aontais maidir le fuinneamh agus aeráid a bhaint amach, is iomchuí go méadófaí sciar an bhuiséid a thiomnaítear don fhuinneamh inathnuaite, d'éifeachtúlacht fuinnimh an úsáideora deiridh, d'eangacha cliste agus do ghníomhaíochtaí stórála fuinnimh i gcomparáid leis an Seachtú Clár Réime, agus go méadófaí an buiséad a thiomnaítear do ghlacadh na gníomhaíochtaí nuálaíochta fuinnimh sa mhargadh, gníomhaíochtaí a gabhadh ar lámh faoi chuimsiú an Chláir Eorpaigh um Stuamacht Fuinnimh laistigh den Chlár Réime um Iomaíochas agus Nuálaíocht (2007 go 2013). Féachfar leis an leithdháileadh iomlán i leith na ngníomhaíochtaí sin 85 % den bhuiséad, ar a laghad, a bhaint amach faoin dúshlán sin. Caitear 2.5 % d'Ollt-áirgeacht Intíre (OTI) an Aontais ar allmhairí fuinnimh gach bliain agus is cosúil go dtiocfaidh méadú air sin. Dá leanfadh an treocht sin ar aghaidh, bheifí ag brath go hiomlán ar allmhairí ola agus gáis faoi 2050. I bhfianaise na bpraghsanna fuinnimh luaineacha ar an margadh domhanda, mar aon le himní faoi shlándáil an tsoláthair, tá sciar níos mó dá gcuid ioncaim á chaitheamh ag tionscail agus tomhaltóirí Eorpacha ar fhuinneamh. Is i gcathracha na hEorpa a úsáidtear 70-80 %⁽¹⁾ den tomhaltas iomlán fuinnimh in AE agus is iad is cúis leis an gcion céanna d'astaíochtaí gás ceaptha teasa.

Tugtar le fios sa phlean oibre chun geilleagar ísealcharbóin iomaíoch a bhaint amach faoi 2050⁽²⁾ nach mór na laghduithe sprice in astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach laistigh de chríoch an Aontais go príomha. Chuimseofaí leis sin astaíochtaí CO₂ a laghdú breis is 90 % faoi 2050 san earnáil chumhachta, breis is 80 % in earnáil na tionsclaíochta, faoi 60 % ar a laghad in earnáil an iompair agus thart ar 90 % san earnáil chónaithe agus i seirbhísí. Léirítear freisin sa phlean oibre, go gcuideoidh an gás nádúrtha, sa ghearthéarma agus sa mheántéarma, leis an gcóras fuinnimh a athrú ó bhonn, in éineacht le teicneolaíocht gabhála agus stórála carbóin a úsáid.

Chun na laghduithe uailmhianacha sin a bhaint amach, ní foláir infheistíocht shuntasach a dhéanamh i dtaighde, i bhforbairt, i dtaispeántas agus i bhfeidhmíú céimneach sa mhargadh ar phraghsanna réasúnta i leith seirbhísí agus teicneolaíochtaí fuinnimh ísealcharbóin atá iontaofa, éifeachtúil, sábháilte agus slán, lena n-áirítear gás, stóráil leictreachais agus feidhmíú céimneach chóras beag fuinnimh agus chóras atá ar mhicreascála. Ní foláir dlúthbhaint a bheith acu sin le réitigh neamh-theicneolaíochta ó thaobh soláthair agus éilimh araon de, lena n-áirítear trí thús a chur le próisis rannpháirtíochta agus trí thomhaltóirí a lánpháirtíú. Ní foláir an méid sin go léir a bheith mar chuid

⁽¹⁾ Ionchas ar Fhuinneamh Domhanda, Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta - Feidhmíúchán na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh, 2008.

⁽²⁾ COIM(2011)0112.

de bheartas ísealcharbóin ibhuanaithe comhtháite, lena n-áirítear máistreacht a fháil ar phríomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin, go háirithe réitigh TFC agus monaraíocht agus próiseáil cheannródaíoch, agus ábhair cheannródaíocha. Is é an sprioc seirbhísí agus teicneolaíochtaí fuinnimh éifeachtúla a fhorbairt agus a sholáthar, lena n-áirítear comhtháthú an fhuinnimh inathnuaithe, ar féidir iad a ghlacadh go forleathan ar mhargaí na hEorpa agus ar mhargaí idirnáisiúnta, agus chun bainistíocht chliste a bhunú ar thaobh an éilimh bunaithe ar mhargadh trádála fuinnimh oscailte agus trédhearcach agus ar chórais chliste bainistíochta éifeachtúlachta fuinnimh atá slán.

3.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Ní foláir do teicneolaíochtaí nua agus do réitigh nua coimhlínt, ó thaobh costais agus iontaofachta de, le córais fuinnimh barrfheabhsaithe atá i seilbh sealbhóirí dea-bhunaithe agus le teicneolaíochtaí dea-bhunaithe. Tá taighde agus nuálaíocht rithábachtach chun na foinsí fuinnimh ísealcharbóin nua sin atá níos glaine agus níos éifeachtúla a dhéanamh tarraingteach chun críocha tráchtála ar an scála is gá. Ní féidir le hearnáil na tionsclaíochta amháin ná leis na Ballstáit aonair na costais agus na rioscaí a iompar, ar costais agus rioscaí iad a bhfuil a bpríomhghníomhaithe lasmuigh den mhargadh, (aistriú go dtí geilleagar ísealcharbóin, fuinneamh inacmhainne agus sábháilte a sholáthar).

Beidh cur chuige straitéiseach de dhíth chun an fhorbairt seo a luathú ar leibhéal an Aontais, lena gcuimsítear soláthar, éileamh agus úsáid fuinnimh, i leith foirgneamh, seirbhísí, úsáid sa bhaile, iompair agus slabhraí luacha tionsclaíocha. Cuimseofar leis sin acmhainní a chur ar chomhréim ar fud an Aontais, lena n-áirítear cistí beartais chomhtháthaithe, go háirithe trí bhíthin na straitéisí náisiúnta agus na straitéisí réigiúnacha maidir le speisialtóireacht chliste, scéimeanna trádála astaíochtaí (ETS), soláthar poiblí agus meicníochtaí maoinithe eile. Beidh gá le beartais rialála agus úsáide freisin maidir le foinsí in-athnuaithe fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh, cúnamh teicniúil saincheaptha agus forbairt acmhainní chun bacainní neamh-theicneolaíochta a bhaint.

Tá cur chuige straitéiseach den sórt sin sa Phlean Straitéiseach um Theicneolaíocht Fuinnimh (Plean SET). Cuirtear clár oibre fadtéarmach ar fáil ann chun dul i ngleic leis na príomhbhaic nuálaíochta atá os comhair na dteicneolaíochtaí fuinnimh ag céimeanna an taighde cheannródaíoch, T&F agus an chruthúnais choincheapa agus ag céim an taispeántais, nuair atá caipiteal á lorg ag cuideachtaí chun tionscadaíl mhóra chéaduaire a mhaoiniú agus chun próiseas imlonnaithe an mhargaidh a oscailt. Ní dhéanfar siléig i dteicneolaíochtaí nua a d'fhéadfadh a bheith suaiteach.

Meastar gurb ionann na hacmhainní a bheidh ag teastáil chun an Plean SET a chur chun feidhme ina iomláine agus EUR 8 billiún in aghaidh na bliana thar an 10 mbliana ⁽¹⁾ seo atá romhainn amach. Is mó i bhfad an méid sin níos mó ná cumas na mBallstáit aonair nó cumas gheallsealbhóirí leasmhara na n-earnálacha taighde agus tionsclaíochta ina n-aonair. Tá gá le hinfheistíochtaí i dtaighde agus nuálaíocht ar leibhéal an Aontais, mar aon le slógadh iarrachtaí ar fud na hEorpa i bhfoirm cur chun feidhme chomhpháirtigh agus rioscaí agus cumas a chomhroinnt. Comhlánfar gníomhaíochtaí na mBallstáit dá bhrí sin le cistiú ón Aontas do thaighde ar fhuinneamh agus do nuálaíocht fuinnimh, ar cistiú é lena ndíreofar ar theicneolaíochtaí ar thús cadhnaíochta agus ar ghníomhaíochtaí a bhfuil breisluach soiléir don Aontas ag baint leo, go háirithe na gníomhaíochtaí sin a mbainfeadh an cumas chun acmhainní náisiúnta a ghíaráil leo agus chun poist a chruthú san Eoraip. Trí bhíthin na gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais, tacófar freisin le cláir ardriosa, ardchostais, fhadtéarmacha nach féidir le Ballstáit aonair a chur i gcrích, déanfar iarrachtaí a chomhthiomsú chun rioscaí infheistíochta a laghdú i ngníomhaíochtaí mórsála amhail taispeántas tionsclaíoch agus forbrófar réitigh fuinnimh idir-inoibritheacha ar fud na hEorpa.

Tríd an bPlean SET a chur chun feidhme mar cholún taighde agus nuálaíochta de bheartas fuinnimh na hEorpa, déanfar slándáil soláthair an Aontais agus an t-aistriú go dtí geilleagar ísealcharbóin a threisiú, cabhrófar le cláir taighde agus nuálaíochta a nascadh le hinfheistíochtaí tras-Eorpacha agus réigiúnacha i mbonneagar fuinnimh agus méadófar toilteanas infheisteoirí caipiteal a scaoileadh le haghaidh tionscadal a bhfuil aghaidh tionscanta fada agus rioscaí suntasacha teicneolaíochta agus margaidh ag baint leo. Cruthófar leis sin deiseanna nuálaíochta do chuideachtaí beaga agus móra agus cabhrófar leo iomaíochas a bhaint amach ar an leibhéal domhanda nó bheith iomaíoch i gcónaí ar an leibhéal sin, áit a bhfuil méadú ag teacht ar na deiseanna móra i ndáil le teicneolaíochtaí fuinnimh.

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, soláthraítear 'mais chriticiúil' de thoradh na gníomhaíochta a ghlactar ar leibhéal an Aontais chun spéis na gceannairí teicneolaíochta eile a mhealladh agus chun comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a chothú d'fhonn cuspóirí an Aontais a bhaint amach. Beidh sé níos éasca dá réir sin do chomhpháirtithe idirnáisiúnta idirghníomhú leis an Aontas chun comhghníomhaíocht a fhorbairt i gcásanna ina bhfuil comhshochar agus comhleas i gceist.

Dá bhrí sin, beidh na gníomhaíochtaí faoin dúshlán seo mar chnámh droma teicneolaíochta de bheartas fuinnimh agus aeráide na hEorpa. Cabhróidh na gníomhaíochtaí sin le baint amach an Aontais Nuálaíochta i réimse an fhuinnimh, chomh maith leis na spriocanna beartais a ndearnadh cur síos orthu in 'Eoraip atá Éifeachtúil ar Acmhainní', 'Beartas Tionsclaíoch do Ré an Domhandaithe' agus 'Clár Oibre Digiteach don Eoraip'.

⁽¹⁾ COIM(2009)0519.

Tugtar faoi ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta maidir le fuinneamh comhleáite núicléach agus eamhnaithe núicléach faoin gclár EURATOM arna bhunú le Rialachán (Euratom) Uimh 1314/2013. I gcás inarb iomchuí, ba cheart breathnú ar shineirgí a d'fhéadfadh a bheith idir an dúshlán sin agus cuid EURATOM de Fís 2020.

3.3. *Dul na gníomhaíochtaí*

(a) Ídiú fuinnimh agus lorg carbóin a laghdú trí úsáid chliste agus inbhuanaithe

Díreofar gníomhaíochtaí ar thaighde agus ar thástáil iomlán coincheap nua, réitigh neamhtheicneolaíochta, córais agus comhpháirteanna níos éifeachtúla, níos inghlactha go sóisialta agus níos inacmhainne a bhfuil faisnéis ionsuite iontu, d'fhonn bainistiú fuinnimh fíor-ama a chumasú le haghaidh na bhfoirgneamh nua agus atá ann cheana agus atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh agus na bhfoirgneamh atá dearfach ó thaobh fuinnimh, le haghaidh na bhfoirgneamh, na gcathracha agus na ndúichí a iarfheistíodh, le haghaidh téimh agus fuaraithe in-athnuaite, tionscal an-éifeachtúil agus roghnú forleathan na réiteach agus seirbhísí éifeachtúlachta fuinnimh agus réiteach caomhnaithe fuinnimh ag cuideachtaí, ag daoine aonair, ag pobail agus ag cathracha.

(b) Soláthar leictreachais ísealchostais agus ísealcharbóin

Díreofar na gníomhaíochtaí ar thaighde, ar fhorbairt agus ar léiriú iomlán na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh nuálaíochta, ar ghléasraí cumhachta breosla iontaise atá éifeachtach, solúbtha agus ísealcharbóin agus theicneolaíochtaí gabhála agus stórála carbóin nó teicneolaíochtaí lena n-athúsáidtear CO₂, lena dtairgfear teicneolaíochtaí níos mó agus níos saoire atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil, a mbeidh éifeachtúlacht comhshóite níos airde ag baint leo agus a bheidh níos infhaighte le haghaidh margaidh éagsúla agus timpeallachtaí oibríochta éagsúla.

(c) Breoslaí malartacha agus foinsí fuinnimh soghluaiste

Díreofar na gníomhaíochtaí ar thaighde, ar fhorbairt agus ar léiriú iomlán teicneolaíochtaí agus slabhraí luacha chun bithfhuinneamh agus breoslaí malartacha eile a dhéanamh níos iomaíche agus níos inbhuanaithe, ar mhaithe le cumhacht agus le teas, ar mhaithe le hiompar ar tír, ar muir agus san aer, a mbeidh féidearthacht comhshóite níos éifeachtúla fuinnimh ag baint leo, chun an t-am go dtí an margadh a laghdú i gcás ceall hidrigine agus ceall breosla agus chun roghanna nua lena léirítear acmhainneacht fhadtéarmach a thabhairt chun aibíochta.

(d) Eangach leictreachais cliste aonair san Eoraip

Díreofar na gníomhaíochtaí ar thaighde, ar fhorbairt agus ar léiriú iomlán teicneolaíochtaí eangach nua fuinnimh chliste, teicneolaíochtaí comhardaithe agus cúlta lena gcomasófar breis solúbthachta agus éifeachtúlachta, lena n-áirítear gléasraí cumhachta coinbhinsiúnta, fuinneamh solúbtha, stóráil, córais agus dearraí margaidh chun pleanáil, faireachán, rialú agus feidhmiú sábháilte a dhéanamh ar líonraí comh-inoibritheacha, lena n-áirítear saincheisteanna maidir le caighdeánú, i margadh oscailte atá dícharbónaithe, inbhuanaithe ó thaobh comhshaoil, aeráid-dhíonach agus iomaíoch, i ngnáth-dhálaí agus i ndálaí éigeandála.

(e) Teicneolaíochtaí agus eolas nua

Díreofar gníomhaíochtaí ar thaighde ildisciplíneach le haghaidh teicneolaíochtaí fuinnimh atá glan, sábháilte agus inbhuanaithe (lena n-áirítear gníomhaíochtaí fadbhreathnaitheacha) agus ar chur chun feidhme comhpháirteach clár taighde uile-Eorpach agus saoráidí den scoth.

(f) Cinnteoireacht stóinsithe agus caidreamh poiblí

Díreofar gníomhaíochtaí ar na huirlisí forbartha, modhanna, samhlacha agus cásanna peirspictíocha atá dírithe ar an am atá romhainn amach le haghaidh tacaíochta beartais stóinsithe agus trédhearcaí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí maidir le dul i ngleic leis an bpobal, rannpháirtíocht úsáideoirí, an tionchar ar an gcomhshaoil, agus measúnú inbhuanaitheachta d'fhonn cur leis an tuiscint atá againn ar threochtaí agus ar ionchais shocheacnamaíochta a bhaineann leis an bhfuinneamh.

(g) Roghnú na nuálaíochta fuinnimh sa mhargadh - ag tógáil ar an gClár Eorpach um Stuamacht Fuinnimh

Breifeofar tuilleadh na gníomhaíochtaí sin a gabhadh ar láimh faoi chuimsiú an Chláir Eorpaigh um Stuamacht Fuinnimh (CESF) agus tógfar orthu. Díreofar gníomhaíochtaí ar nuálaíocht fheidhmeach agus ar chaighdeán a chur chun cinn chun roghnú na seirbhísí agus na dteicneolaíochtaí fuinnimh sa mhargadh a éascú, chun dul i ngleic le bacainní neamhtheicneolaíochta agus chun cur chun feidhme bheartas fuinnimh an Aontais ar bhealach cost-éifeachtúil a luathú. Déanfar cúram freisin den nuálaíocht le haghaidh na teicneolaíochtaí atá ann cheana a úsáid ar bhealach cliste, inbhuanaithe

4. Iompar atá cliste, glas agus comhtháite

4.1. *Cuspóir sonrach*

Is é an cuspóir sonrach córas iompair Eorpach a bhaint amach atá éifeachtach ó thaobh acmhainní de, neamhdhíobhálach don chomhshaol agus don aeráid, sábháilte agus leanúnach chun leasa na saoránach uile, an gheilleagair agus na sochaí.

Ní mór don Eoraip réiteach a dhéanamh idir riachtanais iompair a cuid saoránach agus na riachtanais i dtaobh earraí agus na riachtanais athraitheacha a eascraíonn as dúshláin nua dhéimeagrafacha agus shochaíocha agus na riachtanais maidir le feidhmíocht eacnamaíoch agus na riachtanais atá ag sochaí ísealcharbóin atá tíosach ar fhuinneamh agus ag geilleagar aeráid-dhíonach. In ainneoin an fháis atá tagtha uirthi, ní mór don earnáil iompair laghdú substaintiúil a dhéanamh ar gháis cheaptha teasa agus ar thionchair dhíobhálacha chomhshaoil eile, agus ní mór di deireadh a chur lena spleáchas ar ola, agus ar bhreoslaí iontaise eile, agus a leibhéal arda éifeachtúlachta agus soghluaisteachta a choinneáil agus comhtháthú críochach á chur chun cinn san am céanna.

Ní féidir soghluaisteacht inbhuanaithe a bhaint amach ach trí athrú radacach a dhéanamh ar an gcóras iompair, lena n-áirítear an córas iompair poiblí, bunaithe ar dhul chun cinn i dtaighde iompair, ar nuálaíocht fhorleathan, agus trí réitigh iompair níos glaise, níos sábháilte, níos iontaofa agus níos cliste a chur chun feidhme go comhleanúnach ar fud na hEorpa.

Ní mór dul chun cinn tráthúil spriocdhíritha a bheith mar thoradh ar an taighde agus ar an nuálaíocht i dtaca le gach modh iompair chun go gcabhrófar le baint amach phríomhchuspóirí beartas an Aontais, le go dtreiseofar iomaíochas eacnamaíoch, le go dtacófar leis an athrú chuig geilleagar aeráid-dhíonach agus ísealcharbóin a bheidh éifeachtúil ó thaobh fuinnimh, agus le go gcaomhnófar ceannaireacht ar an margadh domhanda do thionscail na seirbhísí agus na monaraíochta araon.

Cé go mbeidh sé riachtanach infheistíochtaí suntasacha a dhéanamh sa nuálaíocht agus sa taighde agus i gcur i bhfeidhm na dtorthaí, beidh costais shochaíocha, éiceolaíocha agus eacnamaíocha ann atá do-ghlactha san fhadtéarma mura gcuirfead feabhas ar inbhuanaitheacht an chórais iompair agus soghluaisteachta ina iomláine agus mura gcoimeádfar ceannaireacht teicneolaíochta Eorpach san iompar, agus déanfaidh sé damáiste do phoist san Eoraip agus don fhás eacnamaíoch fadtéarmach.

4.2. *Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais*

Spreagthaí lárnach maidir le hiomaíochas agus fás eacnamaíoch na hEorpa is ea earnáil an iompair. Cinntítear leis soghluaisteacht daoine agus earraí atá riachtanach má táimid chun margadh aonair comhtháite a bheith againn san Eoraip agus comhtháthú críochach agus sochaí oscailte, chuimsitheach. Tá sé ar cheann de bhuntáistí móra na hEorpa ó thaobh cumas tionsclaíoch agus caighdeán seirbhíse de, agus tá ról ceannasach aige i go leor de mhargaí an domhain. Nuair a chuirtear an tionscal iompair agus déantúsaíocht trealamh iompair le chéile, is ionann iad agus 6.3 % de OTI an Aontais. Is mó fós an ranníocaíocht fhoriomlán ó earnáil an iompair le geilleagar an Aontais, agus an trádáil, seirbhísí agus soghluaisteacht oibritha á gcur san áireamh. Ag an am céanna táthar in iomaíocht le tionscal iompair na hEorpa in áiteanna eile ar fud an domhain agus an iomaíocht sin ag éirí níos déine i gcónaí. Beidh teicneolaíochtaí ceannródaíocha ag teastáil chun buntáiste iomaíoch na hEorpa a chinntiú amach anseo agus chun míbhuntáistí ár gcóras iompair reatha a mhaolú.

Cuireann an earnáil iompair go mór le gáis cheaptha teasa agus gineann sí suas leis an gceathrú cuid de na hastaíochtaí go léir. Cuireann sí go mór le fadhbanna eile truaillithe aeir freisin. Fós féin braitheann an córas iompair 96 % ar bhreoslaí iontaise. Tá sé bunriachtanach an tionchar seo ar an gcomhshaol a laghdú trí fheabhas spriocdhíritha a chur i gcrích ar bhonn teicniúil, agus aird á tabhairt don chaoi ina mbíonn dúshláin éagsúla os comhair gach modha iompair agus don chaoi ina mbíonn gnéithe de thimthriallacha éagsúla chomhtháthú na teicneolaíochta i gceist leis na modhanna sin. Ina theannta sin, tá méadú ag teacht ar fhadhb an bhrú tráchta; níl na córais sách cliste fós; ní bhíonn na roghanna eile maidir le haistriú chuig modhanna iompair atá níos inbhuanaithe tarraingteach i gcónaí; faigheann 34 000 duine bás ar bhóithre an Aontais in aghaidh na bliana, figiúr atá an-ard go deo; bíonn saoránaigh agus gnólachtaí ag súil le córas iompair atá slán, sábháilte agus inrochtana do chách. Eascraíonn dúshláin sonracha as an gcomhéacs uirbeach agus cuireann sé deiseanna ar fáil i leith inbhuanaitheacht an chórais iompair agus i leith cáilíochta beatha níos fearr.

Meastar gurb é an toradh a bheidh ar na rátaí fáis a bhfuiltear ag súil leo maidir le cúrsaí iompair go mbeidh plódú ollmhór tráchta san Eoraip laistigh de fiche bliain nó níos mó agus tionchar dofhluaingthe aige ar chostais eacnamaíocha agus ar an tsochaí, agus drochiarmhairtí aige maidir leis an ngeilleagar agus leis an tsochaí. Táthar á thuair go ndúblóidh an líon ciliméadar a thaistealaíonn paisinéirí sa 40 bliain atá romhainn agus go mbeidh an ráta dhá uair níos airde fós ann maidir le haerthaisteal, má leanann na treochtaí go nuige seo isteach sa todhchaí. Bheadh astaíochtaí CO₂ 35 % níos airde faoi 2050 ⁽¹⁾. Thiofadh méadú thart ar 50 % go beagnach EUR 200 billiún in aghaidh na bliana ar chostais a bhaineann le brú tráchta. Thiofadh méadú EUR 60 billiún ar chostais sheachtracha tionóiscí i gcomparáid le costais na bliana 2005.

⁽¹⁾ Páipéar Bán ón gCoimisiún dar teideal Treochlár um Limistéar Eorpach Iompair Aonair – I dtreo chórais iompair atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní COIM(2011)0144 leagan deireanach.

Ní féidir ligean do chúrsaí leanúint ar aghaidh mar atá siad. Díreofar taighde agus nuálaíocht, a spreagfar le cuspóirí beartais, ar na príomhdhúshláin, agus cabhróidh siad go suntasach le baint amach spriocanna an Aontais an méadú ar theocht an domhain a theorannú chuig 2 °C, astaíochtaí CO₂ ó iompar a laghdú 60 %, brú tráchta agus costais tionóisce a laghdú go suntasach, agus beagnach deireadh a chur le bás ar na bóithre faoi 2050 ⁽¹⁾.

Is fadhbanna coitianta ar fud an Aontais iad truailliú, brú tráchta, sábháilteacht agus slándáil agus éilíonn siad freagraí comhoibrítheacha uile-Eorpacha. Is trí dhílús a chur le forbairt agus le cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nua agus réiteach nuálaíoch maidir le feithiclí ⁽¹⁾, le bonneagair agus le bainistiú iompair, a dhéanfar córas iompair idirmhódúil agus ilmhódúil, a mbeidh rochtain níos fusa air, a bheidh níos glaine, níos sábháilte, níos sláine, agus níos éifeachtaí, a bhaint amach san Aontas; na torthaí is gá a bhaint amach chun athrú aeráide a mhaolú agus éifeachtacht ó thaobh acmhainní a fheabhsú; ceannaireacht na hEorpa maidir le táirgí iompair agus seirbhísí gaolmhara a choinneáil ar bun ar na margáí domhanda. Ní féidir na cuspóirí sin a bhaint amach trí iarrachtaí ilroinnte náisiúnta ina n-aonar.

Beidh cistiú ar leibhéal an Aontais i gcomhair taighde agus nuálaíocht iompair ag teastáil chun comhlánú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na mBallstát trí dhírú ar ghníomhaíochtaí a bhfuil breisluach Eorpach soiléir acu. Ciallaíonn an méis sin go leagfar béim ar réimsí tosaíochta a mheaitseálann cuspóirí beartais na hEorpa; ina bhfuil mais chriticiúil iarrachtaí riachtanach; i gcás inar féidir le réitigh iompair idir-inoibrítheacha nó réitigh iompair ilmhódúla chomtháite ar fud na hEorpa cuidiú le deireadh a chur le scrogaill sa chóras iompair; nó inar féidir rioscaí infheistíochta taighde a laghdú, obair cheannródaíoch a dhéanamh maidir le comhchaighdeán, agus t-am a thógann sé chun torthaí taighde a chur ar an margadh a laghdú trí iarrachtaí a chomhthiomsú ar bhonn trasnáisiúnta agus trí leas níos fearr a bhaint as an taighde a rinneadh cheana agus é a scaipeadh ar bhealach níos éifeachtaí.

Beidh réimse leathan tionscnamh, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí ábhartha príobháideacha-poiblí, a chuireadh an slabhra nuálaíochta go léir agus a leanfaidh cur chuige comhtháite i leith réiteach nuálaíoch don chóras iompair, i gceist sna gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta. Tá roinnt gníomhaíochtaí ann a bhfuil sé de chuspóir sonracha acu cabhrú torthaí a thabhairt chuig an margadh: cur chuige clár maidir le taighde agus nuálaíocht, tionscadail taispeántais, gníomhaíochtaí maidir le glacadh margaidh agus tacaíocht a thabhairt do chaighdeánú, do rialáil agus do straitéisí nuálaíochta soláthair. Ina theannta sin, cabhróidh rannpháirtíocht agus saineolas na bpáirtithe leasmhara chun an bhearna a líonadh idir torthaí taighde agus a gcur i bhfeidhm san earnáil iompair.

Má dhéantar infheistiú sa taighde agus sa nuálaíocht chun córas iompair níos glaise, níos cliste, iontaofa agus iomlán comhtháite a chur ar fáil cabhróidh sé sin go mór le baint amach cuspóirí Eoraip 2020 maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach mar aon le cuspóirí tionscnamh suaitheanta an Aontais Nuálaíochta. Tacóidh na gníomhaíochtaí le cur chun feidhme an Pháipéir Bháin um Iompar arb é is aidhm dó Limistéar Iompair Eorpach Aonair a chruthú. Cabhróidh na gníomhaíochtaí sin le baint amach na spriocanna beartais a ndearnadh cur síos orthu sna tionscnaimh shuaitheanta maidir le 'Eoraip atá tiosach ar Acmhainní', 'Beartas tionsclaíoch do ré an Domhandaíthe' agus 'Clár Oibre Digiteach don Eoraip'. Déanfaidh siad comhéadan leis na Comhthionscnaimh Chláirúcháin ábhartha freisin.

4.3. *Dul na ngníomhaíochtaí*

Eagrófar na gníomhaíochtaí ar bhealach ina bhforálar do chur chuige comhtháite a bheidh sonracha don mhodh de réir mar is iomchuí. Beidh gá le hinfeictheacht agus leanúnachas ilbhliantúil chun na sonraíochtaí a bhaineann le gach modh iompair agus cineál iomlánaíoch na ndúshlán a chur san áireamh, mar aon le Clár Oibre ábhartha um Thaighde Straitéiseach agus Nuálaíocht a bhaineann leis na Clár Oibre Eorpacha Teicneolaíochta maidir le hiompar.

(a) Córas iompair atá éifeachtúil ar acmhainní agus a léiríonn meas ar an gcomhshaol.

Is é an aidhm a chinntiú go mbeidh an tionchar is lú is féidir ag na córais iompair ar an aeráid agus ar an gcomhshaol (lena n-áirítear truailliú de dheasca torainn agus truailliú aeir) trí fheabhas a chur ar a cháilíocht agus a éifeachtúlacht i dtaca le húsáid acmhainní nádúrtha, le breosla, agus trí astaíochtaí gás ceaptha teasa agus trína spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú.

Díreofar na gníomhaíochtaí ar thomhailt acmhainní, go háirithe breoslaí iontaise, agus astaíochtaí gás ceaptha teasa agus leibhéal torainn a laghdú, chomh maith le feabhas a chur ar éifeachtúlacht iompair agus feithiclí, dlús a chur faoi fhorbairt, faoi mhonarú agus faoi úsáid ghlúin nua feithiclí glana (feithiclí leictreacha, hidrigine agus feithiclí eile nach mbeidh astaíochtaí ar bith astu nó astaíochtaí ísle astu) lena n-áirítear trí dhul chun cinn a dhéanamh i ndearadh inneall agus trí bharrfheabhas a chur orthu, i stóráil fuinnimh agus maidir le bonneagar; cumas breoslaí malartacha agus inbhuanaithe agus córais tiomána agus oibriúcháin nuálaíochta agus níos éifeachtúla a iniúchadh agus leas a bhaint astu, lena n-áirítear bonneagar breosla agus muirearú; an leas is fearr a bhaint as planáil agus úsáid bonneagar, trí bhíthin córas iompair cliste, lóistíochtaí agus trealamh cliste; agus bainistiú éilimh agus iompar poiblí agus iompar neamhmheicnithe a mhéadú, agus slabhraí soghluaisteacha idirmhódúla, go háirithe i limistéir uirbeacha. Spreagfar nuálaíocht a bheidh dírithe ar gach modh iompair chun nach mbeidh ach astaíochtaí ísle astu nó chun nach mbeidh astuithe ar bith astu.

⁽¹⁾ Tá brí leathan le baint as "feithiclí", agus áirítear leis gach cineál iompair.

(b) Soghluasteacht níos fearr, níos lú brú tráchta, breis sábháilteachta agus slándála

Is í an aidhm na riachtanais soghluasteachta atá ag fás agus na riachtanais maidir le so-athraitheacht iompair a réiteach le chéile trí réitigh nuálaíocha le haghaidh córas iompair a bheidh gan bhearnaí, idirmhódúil, cuimsitheach, inrochtana, inacmhainne, sábháilte, slán, sláintiúil, agus urrúnta.

Díreofar ar ghníomhaíochtaí chun brú tráchta a laghdú, feabhas a chur ar inrochtaineacht, ar idir-inoibritheacht agus ar roghanna do phaisinéirí agus ar mheaitseáil riachtanas úsáideoirí trí iompar, trí bhainistíocht soghluasteachta, agus lóistíocht chomhtháite ó dhoras go doras a fhorbairt agus a chur chun cinn; feabhas a chur ar iompar idirmhódúil agus cur i bhfeidhm pleanála cliste agus réiteach bainistíochta chliste; agus an líon tionóiscí agus tionchar bagairtí slándála a laghdú go mór.

(c) Ceannaireacht dhomhanda ag tionscal iompair na hEorpa

Is í an aidhm iomaíochas agus feidhmíocht tionscal déantúsaíochta iompair na hEorpa agus seirbhísí gaolmhara, (lena n-áirítear próisis lóistíochta, cothabháil, deisiúchán, iarfheistiú agus athchúrsáil) a threisiú agus ceannaireacht na hEorpa á choimeád an bun i réimsí ar leith (e.g. an aerloingseoireacht).

Díreofar sna gníomhaíochtaí ar fhorbairt na chéad ghlúine eile de mhodhanna nuálaíocha aeríompair, iompair d'uisce agus iompair de thalamh, ar a áirithiú go ndéanfar córais nuálaíocha agus trealamh nuálaíoch a mhonarú ar bhealach inbhuanaithe agus ar ullmhú le haghaidh modhanna iompair a bheidh ann amach anseo trí oibriú ar theicneolaíochtaí, ar choincheapa agus ar dhearaí núíosacha agus ar chórais rialaithe chliste agus ar chaighdeáin idir-inoibritheacha, ar phróisis éifeachtúla táirgthe, ar sheirbhísí nuálaíocha agus ar nósanna imeachta deimhniúcháin, ar amanna forbartha níos giorra agus ar chostais laghdaithe saolré, gan amhras a tharraingt ar shábháilteacht ná ar shlándáil oibriúcháin.

(d) Taighde socheacnamaíoch agus iompraíoch agus gníomhaíochtaí forásacha le haghaidh beartas a cheapadh

Is í an aidhm tacú le ceapadh beartas feabhsaithe atá riachtanach chun nuálaíocht a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá cruthaithe ag cúrsaí iompair agus ar riachtanais na sochaí a bhaineann leo.

Díreofar leis na gníomhaíochtaí ar feabhas a chur ar na hiarmhairtí, na treochothaí agus ar na hionchais socheacnamaíocha a bhaineann le cúrsaí iompair, lena n-áirítear an fhorbairt a thiocfaidh ar an éileamh amach anseo, agus sonraí agus anailísí bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil do lucht déanta beartas. Tabharfar aird freisin ar leathadh na dtorthaí a thiocfaidh as na gníomhaíochtaí sin.

5. **Gníomhaíocht ar mhaithe leis an aeráid, an comhshaol, éifeachtúlacht acmhainní agus amhábhair;**5.1. *Cuspóir sonrath*

Is é an cuspóir sonrath geilleagar agus sochaí a bheidh tíosach ar acmhainní - agus ar uisce - agus díonach ar athrú aeráide a bhaint amach, acmhainní nádúrtha agus éiceachórais a chosaint agus a bhainistiú ar bhonn inbhuanaithe, agus soláthar agus úsáid inbhuanaithe amhábhair a chur ar fáil, d'fhonn freastal ar riachtanais dhaonra an domhain atá dul i méid agus é sin a dhéanamh laistigh de theorainneacha inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus éiceachórais na cruinne. Cabróidh na gníomhaíochtaí le hiomaíochas na hEorpa a fheabhsú, leis an soláthar amhábhair a áirithiú agus cur le folláine, agus ag an am céanna sláine comhshaoil, athléimneacht agus inbhuanaitheacht a chinntiú, agus é mar aidhm an téamh domhanda a choinneáil faoi bhun 2 °C ar an meán agus cur ar chumas éiceachóras agus na sochaí iad féin a chur in oiriúint don athrú aeráide agus d'athruithe eile ar an gcomhshaol.

Tharla méadú faoi dheich i rith an 20ú haois ar an méid breosla iontaise a bhí á úsáid agus an méid acmhainní ábhartha a bhí á n-eastóscadh. Tá an ré sin inar samhlaíodh go raibh acmhainní flúirseach agus saor ag teacht chun deiridh anois. Tá brú mór anois ar amhábhair, ar uisce, ar aer, ar bhithéagsúlacht agus ar éiceachórais talún, uisceacha agus mara. Tá go leor d'éiceachórais mhóra an domhain á ndíghrádú, agus tá suas le 60 % de na seirbhísí a sholáthraíonn siad á n-úsáid ar bhealach nach bhfuil inbhuanaithe. Úsáidtear thart ar 16 thonna d'ábhair in aghaidh an duine gach bliain san Aontas agus díobh sin, diomláitear thart ar 6 thonna díobh agus cuirtear a leath díobh go láithreáin líonta talún. Tá an t-éileamh domhanda ar acmhainní ag méadú de réir mar atá méadú ag teacht ar dhaonra an domhain agus ar a dtoilmhianta, go háirithe i gcás daoine atá ag tuilleamh ioncaim meánmhéide sna tíortha sin atá ag teacht chun cinn. Ní mór fás eacnamaíoch a scaradh go hiomlán ó úsáid acmhainní.

Tháinig méadú thart ar 0.8 °C ar mheánteocht dhromchla an Domhain le 100 bliain anuas agus tá sé á thuar go dtiocfaidh méadú idir 1.8 agus 4 °C uirthi roimh dheireadh an 21ú haois (i gcoibhneas leis an meánteocht sa tréimhse ó 1980 go 1999) ⁽¹⁾. Cruthóidh tionchair dhóchúlra na n-athruithe sin ar chórais nádúrtha agus ar chórais dhaonna dúshláin don domhan agus dá cumas oiriúnaithe, agus cuirfidh siad forbairt eacnamaíoch agus dea-bhail an chine dhaonna amach anseo i mbaol.

⁽¹⁾ An Ceathrú Tuarascáil Measúnaithe ón bPainéal Idir-rialtasach um Athrú Aeráide (IPCC), 2007 (www.ipcc.ch).

Tá borradh ag teacht ar na tionchair atá ag an athrú aeráide agus léiríonn fadhbanna comhshaoil, amhail aigéadú na n-aigéan, athruithe i gcúrsaíocht aigéanach, ardú ar theocht na farraige, leá oighir san Artach agus salandacht laghdaithe an tsáile, díghrádú agus úsáid talún, cailliúint ithirhorthúlachta; ganntanais uisce, triomaigh agus tuilte, guaiseacha seismeacha agus bolcánacha, athruithe maidir le leathadh spáis na speiceas, truailliú ceimiceach, ró-shaothrú acmhainní agus cailliúint na bithéagsúlachta go bhfuil an domhan ag druidim lena teorainneacha inbhuanaitheachta. Mar shampla, meastar go mbeidh ró-éileamh 40 % á dhéanamh ar sholáthar uisce i gceann 20 bliain mura gcuirfear feabhas ar éifeachtúlacht ar fud na n-earnálacha go léir, lena n-áirítear trí chórais nuálaíochta uisce, rud a chuirfidh strus agus ganntanais rímhór faoi deara maidir le huisce. Is scanrúil an rud é go bhfuil foraoisí á scríos ar ráta 5 mhilliún heicteár in aghaidh na bliana. Is féidir le hidirghníomhaíochtaí idir acmhainní éagsúla rioscaí sistéamacha a chruthú - nuair a ídítear acmhainn amháin, déantar pointe dosheachanta tubaiste a chruthú maidir le hacmhainní agus le héiceachórais eile. Bunaithe ar na treochoí reatha, is cosúil go mbeidh coibhéis dhá Dhomhan eile ag teastáil faoi 2050 le freastal ar an daonra domhanda atá ag fás.

Tá soláthar inbhuanaithe agus bainistíocht éifeachtúil ar acmhainní, lena n-áirítear iad a thaiscéaladh, a eastóscadh, a phróiseáil, a athúsáid, a athchúrsáil agus ionadú fíor-riachtanach d'fheidhmiú sochaithe nua-aimseartha agus a ngeilleagar. Tá earnálacha na hEorpa, amhail an tógáil, ceimiceáin, gluaisteáin, aeraspás, innealra agus trealamh a chuireann breisluach iomlán thart ar EUR 1,3 thrilliún ar fáil mar aon le thart ar 30 milliún duine a fhóstu, ag brath go mór ar rochtain ar amhábhair. Mar sin féin, tá brú mór ag teacht ar sholáthar amhábhair don Aontas. Ina theannta sin, tá an tAontas ag brath go mór ar allmhairí na n-amhábhair sin a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo, agus a bhfuil tionchar scanrúil ag saobhadh ar an margadh orthu.

Ina theannta sin, tá taiscí luachmhara mianraí fós ag an Aontas a bhfuil bac á chur lena dtaiscéaladh, lena n-eastóscadh agus lena bpróiseáil toisc nach bhfuil teicneolaíochtaí leordhóthanacha ann fós chuige sin agus nach bhfuil bainistíú leordhóthanach maidir le timthriall athchúrsála ann, de bharr easpa infheistíochta agus toisc iomaíocht dhomhanda atá ag dul i méid a bheith ag cur isteach ar an obair. Nuair a chuirtear san áireamh a thábhachtaí is atá amhábhair d'íomaíochas na hEorpa, agus don gheilleagar agus an chaoi a bhféadfaí iad a úsáid i dtáirgí nuálaíochta is léir gur tosaíocht ríthábhachtach don Aontas é go mbeadh soláthar inbhuanaithe amhábhair ann agus go ndéanfaí bainistíú éifeachtúil ar acmhainní.

Braitheann cumas geilleagair chun é féin a chur in oiriúint agus teacht aniar níos mó a bheith ann maidir le hathrú aeráide, chun a bheith níos éifeachtúla ar acmhainní agus fanacht iomaíoch ag an am céanna, ar leibhéal arda éiceanuálaíochta a bheith ann ó thaobh na sochaí, na heacnamaíochta, an eagrúcháin agus na teicneolaíochta de. Ós rud é gur fiú EUR 1 trilliún éiceanuálaíocht ar an margadh domhanda in aghaidh na bliana agus go bhfuiltear ag súil go méadófar í faoi thrí faoi 2030, is léir go gcuireann éiceanuálaíocht deis mhór ar fáil chun iomaíochas a mhéadú agus poist a chruthú i ngeilleagair na hEorpa.

5.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Má tá spriocanna an Aontais agus spriocanna idirnáisiúnta maidir le hastaíochtaí agus tiúchan gás ceaptha teasa le baint amach agus má táthar le déileáil leis an tionchar atá ag an athrú aeráide, ní mór druidim le sochaí ísealcharbóin agus ní mór réitigh teicneolaíochta agus neamhtheicneolaíochta atá cost-éifeachtúil agus inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus ní mór bearta maolaithe agus oiriúnaithe a dhéanamh agus tuiscint níos láidre a fháil ar na freagairtí sochaíochta i ndáil leis na dúshláin sin. Ní mór do chreata beartais an Aontais agus an domhain a áirithiú go dtabharfar cosaint d'éiceachórais agus don bhithéagsúlacht, go mbeidh meas orthu agus go ndéanfar iad a athchóiriú go hiomchuí d'fhonn a gcumas acmhainní agus seirbhísí a sholáthar sa todhchaí a chaomhnú. Ní mór aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uisce sa timpeallacht tuaithe, sa timpeallacht uirbeach agus sa timpeallacht thionsclaíoch chun nuálaíocht córas uisce agus éifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn agus chun éiceachórais uisceacha a chosaint. Is féidir le taighde agus le nuálaíocht cabhrú le rochtain iontaoifa agus inbhuanaithe a fháil ar amhábhair, agus cabhrú leis na hamhábhair sin a shaothrú ar thalamh agus ar ghrinneall na farraige, agus laghdú suntasach a dhéanamh ar an méid acmhainní a úsáidtear agus a dhíomlaítear.

Dá bhrí sin díreofar gníomhaíochtaí an Aontais ar thacú le príomhchuspóirí agus le príomhbheartais an Aontais lena gcumhdaítear an timthriall nuálaíochta ina iomláine agus lena gcumhdaítear gnéithe de thriantán an eolais, lena n-áirítear: an Straitéis Eoraip 2020, na tionscnaimh shuaitheanta 'an tAontas Nuálaíochta'; 'Beartas tionsclaíoch do ré domhandaithe', 'Clár Oibre Digiteach don Eoraip', 'Eoraip atá tíosach ar Acmhainní' agus an Treochlár⁽¹⁾ comhfhreagrach; agus an Treochlár chun bogadh go geilleagar iomaíoch ísealcharbóin in 2050; 'Oiriúnú d'athrú aeráide: I dtreo creata gníomhaíochta Eorpaigh'⁽²⁾; an Tionscnamh faoi Amhábhair⁽³⁾; Straitéis an Aontais um Fhorbairt Inbhuanaithe⁽⁴⁾; Beartas Muirí Lánpháirtithe don Aontas⁽⁵⁾; an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí; an Treoir Réime Uisce agus na fo-Threoracha a ghabhann léi; an Treoir maidir le Tuilte⁽⁶⁾; an Plean Gníomhaíochta Éiceanuálaíochta agus Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2020⁽⁷⁾. Nascfar na gníomhaíochtaí sin, nuair is iomchuí, leis na Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta Eorpacha ábhartha agus leis na Tionscnaimh Comhphleanála ábhartha. Atriseoidh na gníomhaíochtaí sin cumas na sochaí níos mó teacht aniar a bheith inti maidir le hathrú comhshaoil agus aeráide agus áiritheoidh siad go mbeidh amhábhair le fáil.

⁽¹⁾ COIM(2011)0571.

⁽²⁾ COIM(2009)0147.

⁽³⁾ COIM(2011)0025.

⁽⁴⁾ COIM(2009)0400.

⁽⁵⁾ COIM(2007)0575.

⁽⁶⁾ Treoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair maidir le rioscaí tuilte a mheasúnú agus a bhainistíú (IO L 288, 6.11.2007, lch 27).

⁽⁷⁾ COIM(2012)0710.

I bhfianaise nádúr trasnáisiúnta agus domhanda na haeráide agus an chomhshaoil, an scála a bhaineann leo agus a chasta is atá siad, agus i bhfianaise ghné idirnáisiúnta an tslabhra soláthair amháibhar, ní mór gníomhaíochtaí a chur i gcrích ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal níos forleithne ná sin. Éilíonn carachtar ildisciplíneach an taighde atá riachtanach go gcomhthiomsófar eolas agus acmhainní comhlántacha d'fhonn dul i ngleic leis an dúshlán seo go héifeachtach agus ar bhealach inbhuanaithe. D'fhonn úsáid acmhainní agus tionchar ar an gcomhshaoil a laghdú, agus iomaíochas a mhéadú ag an am céanna, beidh gá le trasdul cinntitheach sochaíoch agus teicneolaíoch chuig geilleagar a bheidh bunaithe ar chaidreamh inbhuanaithe idir an dúlra agus folláine an duine. Cuirfidh gníomhaíochtaí comhordaithe taighde agus nuálaíochta feabhas ar an tuiscint ar athruithe aeráide agus comhshaoil agus ar an réamhaisnéis a dhéantar fúthu i bpeirspictíocht córasach agus trasearnála, laghdóidh siad neamhchinnteachtaí, sainaithneoidh siad leochaileachtaí, rioscaí, costais agus deiseanna agus déanfaidh siad iad a mheas, agus lena chois sin cuirfidh siad le réimse réiteach agus freagraí beartas agus na sochaí agus cuirfidh siad lena n-éifeacht. Nuair a bheidh na gníomhaíochtaí á gcur i gcrích, déanfar iarracht seachadadh agus scaipeadh an taighde agus na nuálaíochta a fheabhsú chun tacú le ceapadh beartas agus déanfar iarracht gníomhaithe ar gach leibhéal den tsochaí a chumasú chun páirt a ghlacadh sa phróiseas seo.

Má táthar le dul i ngleic le hinfaighteacht amháibhar, ní mór taighde comhordaithe agus iarrachtaí nuálaíochta a dhéanamh i mórán disciplíní agus earnálacha chun cabhrú le réitigh a sholáthar ar fud an tslabhra soláthair go léir (idir thaiscéaladh agus eastóscadh, phróiseáil, dhearadh, úsáid inbhuanaithe agus athúsáid, athchúrsáil agus ionadú), réitigh a bheidh indéanta, slán ó thaobh an gheilleagair agus an chomhshaoil de, agus a nglacfaidh an tsochaí leo. Soláthróidh nuálaíocht sna réimsí sin deiseanna le haghaidh fáis agus post, chomh maith le roghanna nuálaíochta a mbeidh baint ag eolaíocht, ag teicneolaíocht, ag an ngeilleagar, ag an tsochaí, ag beartas agus ag rialachas leo. Ar na cúiseanna sin, táthar tar éis Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta Eorpacha maidir le hUisce agus le hAmháibhair a sheoladh.

D'fhéadfadh sé go gcruthóidh éiceanuálaíocht stuama deiseanna le haghaidh fáis agus post. Rachaidh na réitigh a fhorbrófar trí gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais i ngleic leis na príomhbhagairtí ar iomaíochas tionsclaíoch agus cinnteoidh siad go mbeifear in ann iad a ghlacadh go tapa agus a mhacasamhlú ar fud an Mhargaidh Aonair agus níos faide anonn. Cuirfidh sé seo ar chumas an gheilleagair an trasdul a dhéanamh chuig geilleagar glas a chuireann úsáid inbhuanaithe acmhainní san áireamh. Beidh siad seo a leanas ina gcomhpháirtithe sa chur chuige sin: lucht déanta beartas idirnáisiúnta, Eorpach agus náisiúnta; cláir thaighde agus nuálaíochta idirnáisiúnta agus de chuid na mBallstát; lucht gnó agus tionscal na hEorpa; an Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach agus gníomhaireachtaí comhshaoil náisiúnta; agus páirtithe leasmhara ábhartha eile.

Chomh maith le comhoibriú déthaobhach agus réigiúnach, tacóidh gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais le hiarrachtaí agus le tionscnaimh ábhartha idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC), an Clár Oibre Idir-Rialtasach ar Bhithéagsúlacht agus ar Sheirbhísí Éiceachórais (IPBES) agus an Grúpa um Fhaire na Cruinne (GEO).

5.3. *Dul na ngníomhaíochtaí*

(a) An t-athrú aeráide a chomhrac agus oiriúnú dó

Is í an aidhm bearta agus straitéisí oiriúnaithe agus maolaithe a bheidh cost-éifeachtúil agus inbhuanaithe a fhorbairt, a dhíreoidh ar CO₂ agus ar gháis cheaptha teasa eile agus aeráid, agus a leagfaidh béim ar réitigh ghlasa, idir réitigh theicneolaíochta agus réitigh neamhtheicneolaíochta, trí fhianaise a chruthú i gcomhair bearta a bheidh eolasach, luath agus éifeachtach agus i gcomhair líonrú na n-inniúlachtaí riachtanacha. Díreofar na gníomhaíochtaí na nithe seo a leanas: tuiscint níos feara a fháil ar athrú aeráide agus na prícaíl a ghabhann le holltubaistí agus le hathruithe tobanna a bhaineann leis an aeráid d'fhonn réamh-mheastacháin iontaofa maidir leis an aeráid a sholáthar; ar mheasúnú tionchar ar leibhéal domhanda, réigiúnach agus áitiúil, agus ar leochaileachtaí agus bearta oiriúnaithe, coiscthe agus bainistithe riosca a bheidh nuálaíoch agus cost-éifeachtúil a fhorbairt; tacú le beartais maolaithe agus le straitéisí lena n-áirítear staidéir a dhíríonn ar an tionchar a bhíonn ag beartais earnálacha eile.

(b) An comhshaoil a chosaint, acmhainní nádúrtha, uisce, bithéagsúlacht agus éiceachórais a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe

Is í an aidhm eolas agus uirlisí a sholáthar chun acmhainní nádúrtha a bhainistiú agus a chosaint ionas go mbeidh cothroime inbhuanaithe idir acmhainní teoranta agus na riachtanais atá anois, agus a bheidh amach anseo, ag an tsochaí agus ag an ngeilleagar. Díreofar na gníomhaíochtaí ar na nithe seo a leanas: cur leis an tuiscint atá againn ar an mbithéagsúlacht agus ar fheidhmiú na n-éiceachóras, ar na hidirghníomhaíochtaí atá acu le córais shóisialta agus an ról atá acu i gcothú an gheilleagair agus fholláine an duine; cuir chuige chomhtháite a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le huisce agus leis an aistriú chuig bainistiú inbhuanaithe agus úsáid acmhainní uisce agus seirbhísí; agus ar eolas agus uirlisí a sholáthar ar mhaithe le cinnteoireacht éifeachtach agus le rannpháirtíocht an phobail.

(c) A áiríthiú go mbeidh soláthar inbhuanaithe ann d'amháibhair nach ábhair fuinnimh ná ábhair thalmhaíochta iad

Is í an aidhm an bonn eolais faoi amháibhair a fheabhsú agus réitigh nuálaíochta a fhorbairt chun amháibhair a thaiscéaladh, a eastóscadh, a phróiseáil, a úsáid agus a ath-úsáid, a athchúrsáil agus a aisghabháil ar bhealach cost-éifeachtúil, tiosach ar acmhainní agus nach bhfuil díobhálach don chomhshaoil, agus chun ábhair eile a chur ina n-ionad ar bhealaí a bheadh tarraingteach ó thaobh costais de, a bheadh inbhuanaithe ó thaobh

an chomhshaoil de agus a mbeadh tionchar níos lú acu ar an gcomhshaol, lena n-áirítear próisis agus córais líbiata. Díreofar na gníomhaíochtaí ar na nithe seo a leanas: feabhas a chur ar an mbonn eolais ar infhaighteacht na n-amhábhbar; cur chun cinn soláthar inbhuanaithe agus éifeachtúil amhábhbar, úsáid agus athúsáid amhábhbar, lena n-áirítear acmhainní mianraí, ón talamh agus ón bhfarraige; roghanna malartacha a aimsiú i gcás amhábhbar criticiúil; agus feabhas a chur ar fheasacht agus scileanna na sochaí i leith amhábhbar.

(d) An trasdul chuig geilleagar glas agus sochaí ghlas a chumasú trí bhíthin éiceanuálaíochta

Is í an aidhm gach cineál éiceanuálaíochta a chothú a chumasaíonn an trasdul go geilleagar glas. Leis na gníomhaíochtaí sin, inter alia, tógfar ar na gníomhaíochtaí a gabhadh ar láimh sa Chlár Éicea-Nuálaíochta agus breiseofar iad agus díreofar ar na nithe seo leanas: teicneolaíochtaí, próisis, seirbhísí agus táirgí éiceanuálaíochta a neartú, lena n-áirítear bealaí a chíoradh lena bhféadfar méid na n-amhábhbar sa táirgiúlacht agus sa tomhaltas a laghdú, bacainní sa chomhthéacs sin a shárú, agus dlús a chur faoina nglacadh ar an margadh agus faoina macasamhlú, agus aird faoi leith á tabhairt ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide; tacú le beartais nuálaíochta, samhlacha eacnamaíochta inbhuanaithe agus athruithe sochaíochta; tomhas agus measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn go dtí geilleagar glas; agus éifeachtúlacht acmhainní a chothú trí chórais dhigiteacha.

(e) Córais chuimsitheacha, inbhuanaithe, dhomhanda faisnéise agus breathnóireachta comhshaoil a fhorbairt

Is í an aidhm a chinntiú go gcuirfear na sonraí agus an fhaisnéis fhadtéarmach ar fáil atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo. Díreofar na gníomhaíochtaí ar na cumais, ar na teicneolaíochtaí agus ar na bonneagair shonraí a sholáthar chun breathnadóireacht agus faireachán a dhéanamh ar an Domhan ó chianbhraiteoireacht agus ó thomhais in situ araon ionas gur féidir eolas a sholáthar go tráthúil agus go cruinn agus réamhaisnéis agus réamh-mheastacháin a cheadú. Spreagfar rochtain shaor, oscailte agus neamhsrionta ar sonraí agus ar fhaisnéis idir-inoibritheach. Leis na gníomhaíochtaí, cuideofar le gníomhaíochtaí oibríochta Chlár Copernicus, ar gníomhaíochtaí iad a dhéanfar amach anseo, a shainiú agus cuirfear feabhas ar an leas a bhaintear as na sonraí GMES do gníomhaíochtaí taighde.

(f) Oidhreacht chultúrtha

Is í an aidhm taighde a dhéanamh ar na straitéisí, ar na modheolaíochtaí agus ar na huirlísí a theastaíonn chun go mbeidh oidhreacht chultúrtha a bheidh dinimiciúil, inbhuanaithe ann san Eoraip mar fhreagairt don athrú aeráide. Cuirtear comhthéacs beo ar fáil do na pobail stóinsithe lena bhfreagraítear d'athruithe ilathráideacha leis an oidhreacht chultúrtha sna foirmeacha fisiciúla éagsúla a ghabhann leis. Éilítear cur chuige ildisciplíneach chun feabhas a chur ar an tuiscint ar ábhar stairiúil. Leis na gníomhaíochtaí, díreofar ar na leibhéil stóinseachta a shainiú trí bharúlacha, trí fhaireachán a dhéanamh agus trí shamhaltú mar aon le tuiscint níos fearr a chur ar fáil maidir leis an dearcadh atá ag pobail ar an athrú aeráide agus maidir leis an gcaoi ina bhfreagraíonn siad dó.

6. An Eoraip i nDomhain atá ag Athrú- Sochaithe Cuimsitheacha, Nuálaíochta agus Slána

6.1. Cuspóir sonracha

Is é an cuspóir sonracha tuiscint níos fearr ar an Eoraip a chothú, réitigh a sholáthar agus tacú le sochaithe Eorpacha a bheidh cuimsitheach, nuálaíoch agus machnamhach nuair atá claochluithe ag tarlú nach bhfacthas a samhail riamh cheana agus fás ag teacht ar idirthuilleamaíocht dhomhanda.

Tá dúshlán mhóra socheacnamaíochta le sárú ag an Eoraip lena ndéantar difear suntasach dá thodhchaí chomhchoiteann. Áirítear orthu sin an fás atá ag teacht ar idirthuilleamaíocht eacnamaíoch agus cultúrtha, aosú agus athrú déimeagrafach, eisiaimh sóisialta agus bochtaineacht, lánpháirtíú agus dínascadh, éagothroime agus imirce, deighilt dhigiteach a bheith ag méadú, cothú cultúir nuálaíochta agus cruthaitheachta sa tsochaí agus i bhfiontair, agus muinín a bheith ag dul i laghad in institiúidí daonlathacha agus idir saoránaigh laistigh de theorainneacha agus thar theorainneacha. Dúshlán ollmhóra is ea iad sin agus éilíonn siad cur chuige comhchoiteann ón Eoraip, a bheidh bunaithe ar eolas eolaíoch comhroinnte a fhéadann eolaíochtaí sochaíochta agus daonnúla agus eile a sholáthar.

Tá éagothroime shuntasach i gcónaí san Aontas idir na tíortha éagsúla agus laistigh díobh. Is éard atá san Innéacs Forbartha Daonna tomhas comhiomlán maidir le dul chun cinn sláinte, oideachais agus ioncaim, agus scóráil na mBallstát idir 0.771 agus 0, 910 ar an Innéacs in 2011, rud a léirigh difríochtaí suntasacha idir tíortha. Tá neamhionannais shuntasacha inscne fós ann: mar shampla, faigheann fir ar an meán 17.8 % níos mó pá san Aontas ná mar a fhaigheann mná⁽¹⁾. Sa bhliain 2011 bhí duine as gach seisear saoránach san Aontas (thart ar 80 milliún duine) i mbaol bochtaineachta inniu. Le scór bliain anuas tá méadú tagtha ar bhochtaineacht daoine fásta óga agus teaghlach a bhfuil leanaí acu. Tá an ráta dífhostaíochta i measc na n-óg ag os cionn 20 %. Tá 150 milliún Eorpach (thart ar 25 %) nár bhain úsáid as an idirlíon riamh agus b'fhéidir nach bhfaighidh siad dóthain litearthachta digití chuige sin go deo. Tá neamhshuim agus polarú polaitiúil le sonrú i dtoghcháin freisin, rud a léiríonn go bhfuil laghdú ag teacht ar mhuinín na saoránach as na córais pholaitiúla atá ann faoi láthair.

⁽¹⁾ COIM(2010)0491.

Tugann na figiúirí sin le tuiscint go bhfuil roinnt grúpaí sóisialta agus roinnt pobal á bhfágáil ar chúl i gcónaí maidir le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch agus b'fhéidir maidir le polaitíocht dhaonlathach freisin. Leis na neamhionannais sin, ní hamháin go múchtar forbairt na sochaí ach cuirtear as do gheilleagair an Aontais freisin agus laghdaítear ar na cumais taighde agus nuálaíochta laistigh de thíortha agus i measc tíortha.

Dúshlán lárnach a bheidh ann agus aghaidh á tabhairt ar na míchothromaíochtaí sin suíomhanna a chothú ina bhféadfaí féiniúlachtaí Eorpacha, náisiúnta agus eitneacha maireachtáil lena chéile agus a chéile a shabhair.

Anuas air sin, táthar ag súil le hardú suntasach 42 %, ó 87 milliún in 2010 go 124 milliún in 2030, i líon na nEorpach a bheidh níos sine ná 65 bliana. Is mórdúshlán é sin don gheilleagar, don tsochaí agus d'inhuanaitheacht an airgeadais phoiblí.

Tá rátaí táirgiúlachta agus fáis eacnamaíoch na hEorpa ag titim i gcoibhneas le tíortha eile le dhá scór bliain. Ina theannta sin, tá meath ag teacht go tapa ar an scair den táirgeacht eolais dhomhanda atá ag an Eoraip agus, má bhí sí chun tosaigh maidir le feidhmiú nuálaíochta, tá na príomhghuilleagair atá ag teacht chun cinn mar an Bhrasáil agus an tSín ag breith suas uirthi. Cé go bhfuil bonn láidir taighde ag an Eoraip, ní mór sócmhainn chumhachtach a dhéanamh de le haghaidh earraí agus seirbhísí nuálaíochta.

Tuigtear go maith nach mór don Eoraip níos mó a infheistiú san eolaíocht agus sa nuálaíocht agus go mbeidh uirthi comhordú i bhfad níos fearr a dhéanamh ar na hinfeistiúochtaí sin ná mar a rinneadh go dtí seo: Ó theacht na géarchéime airgeadais, méadaíodh tuilleadh ar mhórán de na neamhionannais eacnamaíochta agus shóisialta san Eoraip agus tá an chuma air gur tamall mór fada a bheidh sé don chuid is mó den Aontas go dtí go mbeidh rataí an fháis eacnamaíoch mar a bhí siad roimh an ngéarchéim. Tugtar le tuiscint leis an ngéarchéim reatha freisin gur dúshlánach é réitigh a fháil ar ghéarchéimeanna a léiríonn ilchineálacht na mBallstát agus a gcuid leasanna.

Ní mór dul i ngleic leis na dúshlán seo ar bhealaí nuálaíochta agus ildhisciplíneacha toisc go n-idirghníomhaíonn siad ar bhealaí casta agus is minic a tharlaíonn siad gan choinne. Is féidir le nuálaíocht an chuimsitheacht a lagú, rud is féidir a fheiceáil, mar shampla, sa deighilt dhigiteach nó i ndeighilt an mhargaidh saothair. Bíonn sé deacair uaireanta freastal ag an am céanna ar nuálaíocht shóisialta agus ar mhuintir shóisialta nuair a bhíonn beartais á gceapadh, mar shampla i limistéir faoi mhíbhuntáiste sóisialta i gcathracha móra na hEorpa. Thairis sin, nuair a thagann éilimh fhorásacha na saoránach agus an nuálaíocht le chéile ceapann lucht déanta beartais agus gníomhaithe eacnamaíochta agus sóisialta freagraí uaireanta a dhéanann neamhaird de na teorainneacha atá idir eárnálacha, gníomhaíochtaí, earraí nó seirbhísí. Léiríonn feiniméin mar fhás an Idirlín, na gcóras airgeadais, na heacnamaíochta atá ag dul in aois agus na sochaí éiceolaíochta go soiléir an chaoi a bhfuil sé riachtanach smaoinemh ag an am céanna ar na ceisteanna sin ó thaobh na ngnéithe cuimsitheachta agus nuálaíochta a bhaineann leo agus freagra a thabhairt orthu le chéile.

Ós rud é go bhfuil na dúshlán sin casta agus toisc go bhfuil athrú ag teacht ar an héilimh, ní mór taighde nuálaíoch agus teicneolaíochtaí, próisis agus modhanna a bheidh nua agus cliste a fhorbairt mar aon le meicníochtaí nuálaíochta sóisialta, gníomhaíochtaí comhordaithe agus beartais a bheidh ullamh i gcomhair na n-athruithe a thiocthaí san Eoraip nó a rachaidh i gcion orthu. Iarrann sé go dtiocfaí ar thuiscint athnuaite maidir le cinnitighna nuálaíochta. Chomh maith leis sin, iarrtar tuiscint ar na treochoí bunúsacha agus na hiarmhairtí laistigh de na dúshlán sin agus ní mór na foirmeacha dlúthpháirtíochta, iompraíochta, comhordaithe agus cruthaitheachta sin a athaisiú nó a athchruthú lena cinntítear gur samhail faoi leith í an Eoraip i dtéarmaí sochaithe atá cuimsitheach, nuálaíoch agus machnamhach i gcomparáid le réigiúin eile sa domhan.

Ní mór cur chuige níos straitéisí a ghlacadh freisin maidir le comhar le tríú tíortha, ar cur chuige é a bheidh bunaithe ar thuiscint níos fearr ar an ról a bhí ag an Aontais san am atá thart, atá aige faoi láthair agus a bheidh aige amach anseo mar ghníomhaí domhanda.

6.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Leis na dúshlán sin, téitear thar na teorainneach náisiúnta, agus ar an gcaoi sin bíonn gá le hanailís comparáideacha níos casta chun bonn a fhorbairt ar a bhféadfaí beartais náisiúnta agus beartais Eorpacha a thuiscint níos fearr. Ba cheart go dtabairfadh anailís comparáideacha den sórt sin aghaidh ar shoghluaisteacht (soghluaisteacht daoine, earraí, seirbhísí agus caipitil ach inniúlachtaí, eolas agus smaointe freisin) agus foirmeacha den chomhar institiúideach, idirghníomhaíochtaí idirchultúrtha agus comhoibriú idirnáisiúnta. Mura mbíonn tuiscint níos fearr ar na dúshlán sin agus réamh-mheastáichán déanta ina leith, bíonn brú ar thíortha Eorpacha dul san iomaíocht lena chéile seachas comhoibriú de thairbhe fórsaí an domhandaithe, agus ar an gcaoi sin bíonn béim ar éagsúlachtaí san Eoraip seachas comóntachtaí agus cothromaíocht cheart a bheidh idir an comhar agus an iomaíocht. Má théitear i ngleic ar an leibhéal náisiúnta amháin le saincheisteanna rithabhachtacha, lena n-áirítear saincheisteanna socheacnamaíochta, bíonn contúirt ann go ndéanfar acmhainní a úsáid go neamhéifeachtúil, fadhbanna a sheachtrú chuig tíortha Eorpacha agus neamh-Eorpacha eile agus aibhsíú ar theannais shóisialta, eacnamaíochta agus pholaitiúla a fhéadfaidh cur isteach go díreach ar aidhmeanna na gConarthaí i dtaca lena chuid luachanna, go háirithe Teideal I den Chonaradh ar an Aontas Eorpach.

D'fhonn sochaithe atá cuimsitheach, nuálaíoch agus machnamhach a thuiscint, a anailísú agus a thógáil, tá freagairt ag teastáil ón Eoraip lena scaoilfear acmhainn na smaointe roinnte do thodhchaí na hEorpa chun eolas nua, teicneolaíochtaí nua agus cumais nua a chruthú. Le coincheap na sochaithe cuimsitheacha, aithnítear gur neart Eorpach é an éagsúlacht sa chultúr, i réigiúin agus i suíomhanna socheacnamaíochta. Is gá an éagsúlacht Eorpach a iompú ina foinse nuálaíochta agus forbartha. Cuideoidh an dianiarracht sin leis an Eoraip dul i ngleic lena dúshlán ní amháin ar bhonn inmheánach ach mar ghníomhaí domhanda ar an ardán idirnáisiúnta. Is amhlaidh a bheidh an dianiarracht sin, ar an gcaoi sin, ina cúnamh do Bhallstáit tairbhe a bhaint as eispéiris in áiteanna eile agus ligean dóibh a ngníomhaíochtaí sonracha féin a chomhfhreagraíonn dá gcomhthéacsanna faoi seach a shainiú.

Dá bhrí sin, beidh cothú modhanna nua comhair idir tíortha laistigh den Aontas agus idir tíortha ar fud an domhain, agus ar fud na bpobal taighde agus nuálaíochta ábhartha ina thasc lárnach i gcomhthéacs an dúshláin sin. Saothrófar, ar bhonn rianúil, tacú le próisis nuálaíochta sóisialta, gníomhaíochtaí chun riarachán poiblí cliste agus rannpháirteach a spreagadh, chomh maith le cabhrú le ceapadh beartais atá bunaithe ar fhianaise agus chun é a chur chun cinn d'fhonn ábharthacht na ngníomhaíochtaí sin go léir a fheabhsú le haghaidh lucht déanta beartais, gníomhaithe sóisialta agus eacnamaíochta agus le haghaidh saoránach. Beidh taighde agus nuálaíocht ina réamhchoinníoll maidir le hiomaíochas na ngnólachtaí agus na seirbhísí Eorpacha agus tabharfar aird ar leith ar an inbhuanaitheacht, ar an oideachas a chur chun cinn, ar an bhfostaíocht a mhéadú, agus ar an mbochtaineacht a laghdú.

Ar an gcaoi sin, tacóidh cistiú an Aontais i gcomhthéacs an dúshláin sin le forbairt, le cur chun feidhme agus le hoiriúnú phríomhbheartais an Aontais, eadhon cuspóirí straitéis Eoraip 2020. Déanfaidh sé comhéadan, mar is iomchuí, le Comhthionscnaimh Chláirúcháin, lena n-áirítear "Oidhreacht Chultúrtha", "Fad Saoil, Scoth Saoil" agus "An Eoraip Uirbeach" agus rachfar i mbun comhordaithe le gníomhaíochtaí díreacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde.

6.3. Dul na ngníomhaíochtaí

6.3.1. Sochaithe cuimsitheacha

Is í an aidhm tuiscint níos fearr a fháil ar na hathruithe i sochaí na hEorpa agus a n-iarbhairt ar an gcomhtháthú sóisialta, agus cuimsiú sóisialta, eacnamaíoch agus polaitiúil agus dinimic dhearfach idirchultúir san Eoraip agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta a anailísiú agus a fhorbairt, trí bhíthin eolaíocht ar thús cadhnaíochta agus idirdhisciplíneachta, dul chun cinn teicneolaíoch agus nuálaíochtaí eagrúcháin. Áirítear, inter alia, an imirce, an comhtháthú, an t-athrú déimeagrafach, sochaí atá ag dul in aois agus míchumais, an t-oideachas agus foghlaim ar feadh an tsaoil ar na príomhdhúshláin nach mór dul i ngleic leo maidir le samhlacha Eorpacha don chomhtháthú sóisialta agus d'fholláine an duine, chomh maith le laghdú na bochtaineachta agus an t-eisiamh sóisialta, agus na saintréithe éagsúla réigiúnacha agus cultúrtha á gcur san áireamh.

Tá príomhról anseo ag an taighde sna hEolaíochtaí Sóisialta agus sna Daonnachtaí toisc go ndéantar iniúchadh leosan thar am agus thar spás agus féadfar iniúchadh a dhéanamh leo ar an todhcháí a thuarfaí. Tá stair mhór roinnte ag an Eoraip sa chomhar agus sa choinbhleacht arson. Cuirtear inspioráid agus deiseanna ar fáil lena caidreamh cultúrtha dinimiciúil. Tá gá le taighde chun féiniúlachta agus muintearas a thuiscint sna pobail, sna réigiúin agus sna náisiúin. Tacóidh an taighde le lucht déanta beartais chun beartais a dhearadh chun fostaíocht a chothú, chun bochtaineacht a chomhrac agus chun nach bhfaighidh na nithe seo leanas aon leathantas: cineálacha éagsúla scoilteanna, coinbhleacht agus eisiamh polaitiúil agus sóisialta, leithcheal agus míchothromaíochtaí, amhail míchothromaíochtaí inscne agus míchothromaíochtaí ó glúin go glúin, leithcheal mar gheall ar mhíchumas nó ar bhunús eitneach nó scoilteanna digiteacha nó nuálaíochta, i sochaithe Eorpacha agus i réigiúin eile an domhain. Cuirfidh sé go háirithe le cur chun feidhme agus le hoiriúnú na straitéise "Eoraip 2020" agus le gníomhaíocht sheachtrach ghinearálta an Aontais.

Díreofar sna gníomhaíochtaí ar an méid a leanas a thuiscint agus a chothú nó a chur chun feidhme:

- (a) na sásraí chun fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn;
- (b) na heagraíochtaí, na cleachtais, na seirbhísí agus na beartais a bhfuiltear muiníneach astu agus atá riachtanach chun sochaithe athléimneacha, cuimsitheacha, rannpháirteacha, oscailte agus cruthaitheacha a thógáil san Eoraip, go háirithe trí imirce, comhtháthú agus athrú déimeagrafach a chur san áireamh;
- (c) Ról na hEorpa mar ghníomhaí domhanda go háirithe maidir le cearta an duine agus ceartas domhanda;
- (d) timpeallachtaí inbhuanaithe, cuimsitheacha a chur chun cinn tríd an bpleanáil agus dearadh nuálaíoch spásúil agus uirbeach.

6.3.2. Sochaithe cuimsitheacha

Is é an aidhm forbairt sochaithe nuálacha agus beartas san Eoraip a chothú trí bhíthin teagmháil a choimeád le saoránaigh, le heagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta, le fiontair agus le húsáideoirí lena mbaineann taighde agus nuálaíocht agus beartais taighde agus nuálaíochta chomhordaithe a chur chun cinn i gcomhthéacs an domhandaithe agus an ghá atá ann na caighdeán eitiúla is airde a chur chun cinn. Cuirfear tacaíocht faoi leith ar fáil chun an Limistéar Eorpach Taighde a fhorbairt agus creathchoinníollacha le haghaidh nuálaíochta a fhorbairt.

Is foinse mhór cruthaíochta agus nuálaíochta, lena n-áirítear nuálaíocht ó thaobh an ghnó, na hearnála poiblí agus na nuálaíochta sóisialta, é eolas cultúrtha agus sochaíoch. I mórán cásanna, freisin, gabhann nuálaíochtaí atá dírithe ar an úsáideoir agus nuálaíochtaí sóisialta roimh fhorbairt na dteicneolaíochtaí nuálaíochta, na seirbhísí agus na bpróiseas eacnamaíoch. Is acmhainn iontach iad na tionscail chruthaitheacha chun dul i ngleic leis na dúshláin shochaíochta agus le hiomaíochas. Siocair go bhfuil na hidirghaoil idir nuálaíocht shóisialta agus theicneolaíoch casta, agus nach minic a bhíonn siad líneach, tá gá le tuilleadh taighde, lena n-áirítear taighde trasearnálach agus ildisciplíneach i ndáil leis an bhforbairt a dhéantar ar gach cineál nuálaíochta agus gníomhaíochta a mhaoinítear chun go spreagfar forbairt éifeachtach i leith na nuálaíochta sin sa todhcháí.

Beidh fócas na gníomhaíochtaí mar seo a leanas:

- (a) an bunús fianaise agus an tacaíocht don tionscnamh suaitheantais 'Aontas Nuálaíochta' agus don Limistéar Eorpach Taighde a neartú;
- (b) cineálacha nua nuálaíochta a iniúchadh, agus béim faoi leith á leagan ar nuálaíocht shóisialta agus ar chruthaitheacht shóisialta agus tuiscint a fháil ar an mbealach ina bhforbraítear gach cineál nuálaíochta, ina n-éiríonn leo nó ina dteipeann orthu;
- (c) leas a bhaint as acmhainn nuálaíoch, chruthaitheach, tháirgiúil gach glúine;
- (d) comhar comhleanúnach, éifeachtach le tríú tíortha a chur chun cinn.

6.3.3. Sochaithe machnamhacha – oidhreacht chultúrtha agus féiniúlacht Eorpach

Tá sé mar aidhm rannchuidiú le tuiscint a fháil ar bhunús intleachtúil na hEorpa: ar an stair a bhaineann léi agus ar na tionchair fhlúirseacha Eorpacha agus neamh-Eorpacha; mar inspioráid dár saol sa lá atá inniu ann. Is é príomhthréith na hEorpa pobail (lena n-áirítear mionlaigh agus daoine dúchasacha), traidisiúin agus féiniúlachtaí, idir réigiúnach agus náisiúnta, atá difriúil agus éagsúil óna chéile agus tá leibhéal dhifriúla san fhorbairt eacnamaíoch agus shochaíoch mar phríomhthréith di chomh maith. Leis an imirce agus leis an tsoghluaisteach, leis na meáin, le tionscal agus iompar, cuirtear le héagsúlacht na dtuairimí agus na stíleanna maireachtála. Ba cheart aitheantas a thabhairt don éagsúlacht sin agus do na deiseanna a ghabhann leis.

Tá bailiúcháin Eorpacha i leabharlanna, i gcartlanna, lena n-áirítear i gcartlanna digiteacha, in iarsmalanna, i ngailearaithe agus in institiúidí poiblí eile ina bhfuil an t-uafás doiciméadachta agus rudaí ar féidir a scrúdú, ar doiciméadachta agus ar rudaí iad atá mórthaibhseach agus nár baineadh leas ceart astu go fóill. Léirítear stair na mBallstát aonair leis na hacmhainní cartlainne sin agus le hoidhreacht dholáimhsithe freisin, agus léirítear freisin comhoidhreacht Aontais a tháinig chun cinn in imeacht na mblianta. Ba cheart go mbeadh rochtain ag taighdeoirí agus ag saoránaigh ar ábhair den chineál sin, trí theicneolaíochtaí nua freisin, chun go mbeidh siad in ann amharc chun tosaigh trí chartlann an ama a chuaigh thart. Tá inrochtaineacht agus caomhnú na hoidhreacht chultúrtha sna foirmeacha sin ag teastáil do bheocht na gníomhaíochtaí maireachtála laistigh de chultúir Eorpacha agus tharstu agus cuirtear le fás inbhuanaithe eacnamaíoch leo.

Beidh fócas na gníomhaíochtaí mar seo a leanas:

- (a) scrúdú a dhéanamh ar oidhreacht, ar chuimhne, ar fhéiniúlacht, ar chomhtháthú agus ar chaidreamh cultúrtha agus aistriú, lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar a léirítear faoin méid sin i mbailiúcháin chultúrtha agus eolaíoch, i gcartlanna cultúrtha agus eolaíoch agus in iarsmalanna cultúrtha agus eolaíoch, chun tuiscint níos fearr a sholáthar don lá atá inniu ann trí léirmhínte níos saibhre a dhéanamh ar an aimsir chaite.
- (b) taighde ar stair, ar litríocht, ar ealaín, ar fhealsúnacht agus ar reiligiúin thíortha agus réigiúin na hEorpa agus ar an tionchar a bhí acusan ar an éagsúlacht Eorpach mar atá sa lá atá inniu ann.
- (c) taighde ar ról na hEorpa sa domhan, ar an tionchar frithpháirteach agus ar na ceangail idir réigiúin an domhain, agus dearcadh ón taobh amuigh ar chultúir na hEorpa.

7. Sochaithe Slána – 'Saoirse agus Slándáil na Heorpa agus a Cuid Saoránach a Chosaint'

7.1. Cuspóir sonrath

Is é an cuspóir sonrath sochaithe Eorpacha a chothú nuair atá claochlaithe ag tarlú nach bhfacthas a samhail riamh cheana agus fás ag teacht ar idirthuilleamaíocht dhomhanda agus ar bhagairtí domhanda, agus an cultúr Eorpach na saoirse agus an cheartais a neartú ag an am céanna.

Ní dhearnadh an Eoraip a chomhdhlúthú ar bhealach chomh síochánta riamh agus tá an leibhéal slándála atá ag saoránaigh Eorpacha ard i gcomparáid le codanna eile den domhan. Maireann leochaileacht na hEorpa i gcónaí, áfach, i gcomhthéacs domhandú atá ag síormhéadú ina bhfuil bagairtí agus dúshlán slándála atá ag éirí níos mó agus níos sofaisticiúla os comhair na sochaithe.

Tháinig laghdú ar an mbagairt a ghabhann le hionsuithe míleata ar mhórsála agus díritear inni slándála ar bhagairtí nua ilghnéitheacha, idirghaolmhara agus trasnáisiúnta. Ní mór gnéithe amháil cearta an duine, díghrádú an chomhshaoil, cobhsaíocht pholaitiúil agus an daonlathas, saincheisteanna sóisialta, féiniúlacht chultúrtha agus reiligiúnach nó an imirce a chur san áireamh. Sa chomhthéacs sin, tá gnéithe inmheánacha agus gnéithe seachtracha na slándála fite fuaite go dlúth lena chéile. Éilíonn an tAontas freagairtí éifeachtacha, agus réimse cuimsitheach agus nuálach ionstraimí slándála á úsáid le saoirse agus slándáil a chosaint. Féadfaidh ról soiléir tacaíochta a bheith ag an taighde agus ag an nuálaíocht cé nach bhféadfar slándáil a ráthú leis an méid sin ann féin. Ba cheart go ndíreofaí le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta ar bhagairtí slándála a thuiscint, a bhrath, a chosc, a dhíspreagadh agus ullmhú in aghaidh na mbagairtí sin agus cosaint a thabhairt ina n-éadan. Thairis sin, tugtar dúshlán bhunúsacha le slándáil nach bhféadfar a réiteach le láimhseáil neamhspleách, atá sonrath don earnáil, ach a bhfuil cur chuige níos uailmhianá, níos comhordaithe agus níos iomlánaíche ag teastáil ina leith.

Is iomaí cineál easpa sábháilteachta, cibé mar gheall ar an gcoireacht, ar an bhforéigean, ar an sceimhlitheoireacht, ar thubaistí nádúrtha nó de dhéantús an duine, ar chibearionsaithe, ar mhí-úsáid príobháideachais agus ar chineálacha eile mí-oird shóisialta agus eacnamaíoch atá ag dul i gcion níos mó agus níos mó ar shaoránaigh.

De réir na meastachán, is dócha go mbeidh suas le 75 milliún íospartach díreach coireachta gach bliain san Eoraip ⁽¹⁾. Measadh gurbh é EUR 650 billiún an costas díreach a bhí ag an gcoireacht, ag an sceimhlitheoireacht, ag gníomhaíochtaí mídhleathacha, ag an bhforéigean agus ag tubaistí san Eoraip in 2010, rud ab ionann agus thart faoi 5 % de OTI an Aontais. Léiríodh torthaí marfacha na sceimhlitheoireacht i gcodanna éagsúla den Eoraip agus ar fud na cruinne, cailleadh a lán daoine agus bhí cailliúintí móra eacnamaíochta ann mar gheall ar an sceimhlitheoireacht freisin. Ba shuntasach an tionchar cultúrtha agus domhanda a bhí aici freisin.

Bíonn baint níos mó i gcónaí ag saoránaigh, ag gnólachtaí agus ag institiúidí le hidirghníomhaíochtaí agus le hidirbhearta digiteacha sna réimsí sóisialta, airgeadais agus tráchtála den saol ach tarlaíonn cibearchoireanna ar fiú na billiúin Euro iad gach bliain, cibearionsuithe ar bhonneagar criticiúil agus sáraítear príobháideacht daoine aonair agus eintitis ar fud na mór-roinne de bharr fhorbairt an Idirlín. Má bhíonn athruithe ar chineál na neamhshláine agus ar na tuairimí atá ann ina leith sa saol laethúil, tá an seans ann go ndéanfar difear leis an méid sin don mhúinín atá ag na saoránaigh, ní hamháin as institiúidí ach as a chéile freisin.

Ionas nach dtiocfaí aniar aduaidh orainn leis na bagairtí sin agus chun iad a chosc agus a bhainistiú, is gá na cúiseanna atá taobh thiar dóibh a thuiscint, teicneolaíochtaí nuálacha, réitigh nuálacha, uirlisí fadbhreathnaitheacha agus eolas a fhorbairt, an comhar idir soláthraithe agus úsáideoirí a chothú, réitigh slándála sibhialta a aimsiú, cur lena iomaíche atá na tionscail agus na seirbhísí Eorpacha sin a bhaineann le slándáil, lena n-áirítear TFC, agus mí-úsáid na príobháideachta agus sárúithe ar chearta an duine san Idirlíon a chosc agus a chomhrac, agus cearta aonair agus saoirse a n-áirithiú do shaoránaigh na hEorpa ag an am céanna.

Ba cheart níos mó airde a thabhairt ar idir-inoibritheacht agus ar chaighdeánú chun feabhas a chur ar chomhar trasteorann níos fearr idir na cineálacha éagsúla seirbhísí slándála.

Mar fhocal scoir, ós rud é gur cheart go mbeadh idirghníomhaíocht idir beartais slándála agus beartais shóisialta éagsúla, gné thábhachtach den dúshlán sochaíoch seo is ea gné shochaíoch an taighde slándála a bhreisiú.

Caithfidh urraim do luachanna bunúsacha amhail an tsaoirse, an daonlathas, an combhionannas agus an smacht reachta a bheith mar bhonn d'aon ghníomhaíocht a dhéantar i gcomhthéacs an dúshláin sin chun go gcuirfead slándáil ar fáil do shaoránaigh Eorpacha.

7.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Tá ar an Aontas agus ar a shaoránaigh, ar a thionscail agus ar a chomhpháirtithe idirnáisiúnta aghaidh a thabhairt ar réimse bagairtí slándála amhail an choireacht, an sceimhlitheoireacht, an gháinneáil aindleathach agus móréigeandálaí mar thoradh ar thubaistí nádúrtha nó ar thubaistí de dheantús an duine. D'fhéadfadh gur bagairtí thar theorainneacha a bheadh sna bagairtí sin agus go mbeidís dírithe ar spriocanna fisiciúla nó ar an gcibearspás agus go mbeadh ionsaithe á ndéanamh ó fhoinsí éagsúla. Le hionsaithe i gcoinne córas faisnéise nó cumarsáide de chuid na n-údarás poiblí nó de chuid na n-eintiteas príobháideach mar shampla, ní amháin go mbaintear an bonn den mhúinín atá ag na saoránaigh i gcórais faisnéise agus chumarsáide agus go mbíonn cailleanais dhíreacha airgeadais mar thoradh orthu agus go gcailltear deiseanna gnó, ach d'fhéadfadh go ndéanfaí an-difear leo do bhonneagar fíorthábhachtach agus do sheirbhísí fíorthábhachtacha amhail an fuinneamh, an eitlíocht agus iompar eile, soláthar uisce agus bia, an tsláinte an t-airgeadas nó an teileachumarsáid.

Leis na bagairtí sin, d'fhéadfadh go gcuirfí bunsráiteanna inmheánacha ár sochaí i gcontúirt. Leis an teicneolaíocht agus an dearadh cruthaitheach, féadfar rannchuidiú go mór le freagairt ar bith atá le déanamh. Mar sin féin, ba cheart réitigh nua a fhorbairt agus a iomchuí atá na bealaí agus a leordhóthanaí atá siad don éileamh sochaíoch á gcur san áireamh ag an am céanna, go háirithe i dtéarmaí ráthaíochtaí i leith chearta agus shaoirsí bunúsacha na saoránach.

Ar deireadh, léirítear dúshlán ollmhór eacnamaíoch leis an tslándáil freisin, nuair a áirítear sciar na hEorpa den mhargadh slándála domhanda atá ag fás go mear. Agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag bagairtí áirithe ar sheirbhísí, ar ghréasán nó ar ghnólachtaí á chur san áireamh, tá an leas a bhainfead as réitigh shlándála leordhóthanaigh rithábhachtach i gcás an gheilleagair agus i gcás iomaíochas monaríochta na hEorpa. Tá comhar idir na Ballstáit agus freisin comhar le tríú tíortha eile agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta mar chuid den dúshlán sin.

Ar an gcaoi sin tacóidh cistiú taighde agus nuálaíochta an Aontais i gcomhthéacs an dúshláin shochaíoch sin le forbairt, le cur chun feidhme agus le hoiriúnú phríomhbheartais an Aontais, eadhon cuspóirí straitéis Eoraip 2020, an Comhbheartas Eachtrach agus Slándála agus Straitéis Slándála Inmheánach an Aontais agus an tionscailm suiathanta "an Clár Oibre Digiteach don Eoraip". Rachfar i mbun comhordaithe le gníomhaíochtaí díreacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde.

⁽¹⁾ COIM(2011)0274.

7.3. *Dul na ngníomhaíochtaí*

Is é an aidhm tacú le beartais an Aontais maidir le slándáil inmheánach agus sheachtrach agus cibearshlándáil, iontaoibh agus príobháideacht sa Mhargadh Aonair Digiteach a áirithiú, agus ag an am céanna iomaíochas tionscal agus sheirbhísí slándála an Aontais a fheabhsú, lena n-áirítear TFC. Díreofar leis na gníomhaíochtaí ar thaighde agus ar fhorbairt na chéad ghlúine eile de réitigh nuálacha, trí oibriú ar choincheapa agus ar dhearaí núíosacha, agus trí chaighdeáin idir-inoibritheacha. Déanfar é sin trí theicneolaíochtaí agus réitigh nuálaíocha a fhorbairt lena dtabharfar aghaidh ar bhearnaí slándála agus lena laghdófar an baol ó bhagairtí slándála.

Déanfar éilimh na n-úsáideoirí deiridh éagsúla (saoránaigh, gnóthaí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus lucht riaracháin, lena n-áirítear údaráis náisiúnta agus údaráis idirnáisiúnta, lucht cosainta sibhialta, lucht forghníomhaithe dlí, gardaí teorann, etc.) a chomhtháthú trí bhíthin na ngníomhaíochtaí misean-dírithé sin d'fhonn éabhlóid na mbagairtí slándála agus chosaint na príobháideachta agus na ngnéithe sochaíocha riachtanacha a chur san áireamh.

Beidh fócas na ngníomhaíochtaí mar seo a leanas:

- (a) an choireacht, an gháinneáil aindleathach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac, lena n-áirítear dul i ngleic le hidéanna agus le creidiúntí sceimhlitheoireachta agus iad a thuiscint.
- (b) stóinseacht na mbonneagar fíorthábhachtach, na slabhraí soláthair agus na modhanna iompair a chosaint agus a fheabhsú,
- (c) slándáil a neartú trí bhainistiú teorann;
- (d) cibearshlándáil a fheabhsú;
- (e) stóinseacht na hEorpa i leith géarchéimeanna agus tubaistí a mhéadú;
- (f) an phríobháideacht agus an tsaoirse a áirithiú, lena n-áirítear ar an Idirlíon, agus feabhas a chur ar thuiscint shochaíoch, dhíthiúil agus eiticiúil réimsí uile na slándála, an riosca agus an bhainistithe.
- (g) feabhas a chur ar chaighdeánú agus ar idir-inoibritheacht na gcóras, lena n-áirítear chun críoch éigeandála;
- (h) tacú le beartais slándála seachtracha an Aontais, lena n-áirítear cosc ar choinbhleacht agus cothú na síochána.

CUID IV

SÁRMHAI THEAS A LEATHNÚ AGUS RANPHÁIRTÍOCHT A ARDÚ

1. **Cuspóir sonrath**

Is é an cuspóir sonrath cumas dhaoine tréitheacha na hEorpa a shaothrú go hiomlán agus a áirithiú go mbainfean an leas is fearr as sochair gheilleagair atá faoi thionchar na nuálaíochta agus go scaipfean iad ar fud an Aontais i gcomhréir le príonsabal na sármhaitheasa.

In ainneoin na treochta a bhí ann le déanaí feidhmíocht nuálach tíortha aonair agus réigiún a chomhtháthú, tá éagsúlachtaí móra ann i gcónaí i measc na mBallstát. Thairis sin, trí shrian a chur ar bhuiséid náisiúnta, tá an baol ann go ndéanfar bearnaí a leathnú leis an ngéarchéim airgeadais atá ann faoi láthair. Ó thaobh iomaíochas na hEorpa agus inniúlacht na hEorpa aghaidh a thabhairt ar dhúshlán shochaíocha san am atá le teacht, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí cumas dhaoine tréitheacha na hEorpa a shaothrú agus go leathnófaí na leasanna a ghabhann le nuálaíocht ar fud an Aontais.

2. **Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais**

Caithfidh an Eoraip an leas is fearr a bhaint as an bhfaisnéis atá ar fáil san Aontas agus acmhainneacht taighde agus nuálaíochta nár úsáideadh fós a shaothrú chun go ndéanfar dul chun cinn go dtí sochaí inbhuanaithe, cuimsitheach agus cliste.

Trí stóir shármhaitheasa a chothú agus a nascadh, cabhrófar tríd na ngníomhaíochtaí a bheartaítear le LET a neartú.

3. **Dul na nGníomhaíochtaí**

Trí ghníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh, éascófar leathnú na sármhaitheasa agus na rannpháirtíochta trí na ngníomhaíochtaí a leanas:

— Institiúidí sármhaithe taighde agus réigiúin bheagfeidhmíochta Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta a chur le chéile, agus é mar aidhm ionaid nua sármhaitheasa a chruthú (nó uasghrádú suntasach a dhéanamh ar ionaid atá ann cheana) i mBallstáit agus i réigiúin bheagfeidhmíochta Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta.

- Institiúidí taighde a nascadh agus é mar aidhm réimse sainithe taighde in institiúid atá ag teacht chun cinn a neartú go mór trí naisc le dhá institiúid cheannródaíocha idirnáisiúnta ar a laghad i réimse sainithe.
- Cathaoirligh ar an Limistéar Eorpach Taighde a bhunú le fir agus mná léinn ar fheabhas a mhealladh chuig institiúidí a mbeidh acmhainneacht shoiléir acu do shármhaitheas taighde, chun go gcabhrófar leis na hinstiúidí sin an acmhainneacht sin a shaothrú ina iomláine agus chun go gcruthófar cothromaíocht do thaighde agus do nuálaíocht i LET. Ba cheart féachaint ar shineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le gníomhaíochtaí.
- Saoráid Tacaíochta Beartais le feabhas a chur ar cheapadh, ar chur chun feidhme agus ar luacháil na mbeartas náisiúnta/réigiúnach taighde agus nuálaíochta.
- Tacú le rochtain ar na gréasáin idirnáisiúnta do thaighdeoirí agus do nuálaithe thar barr nach bhfuil rannpháirteach go leor i ngréasáin Eorpacha ná i ngréasáin idirnáisiúnta, COST san áireamh.
- Inniúlacht riaracháin agus oibríochtúil ghréasáin trasnáisiúnta na bPointí Náisiúnta Teagmhála a neartú, lena n-áirítear trí oiliúint, ionas go mbeifear in ann tacaíocht níos fearr a chur ar fáil do rannpháirtithe ionchasacha leo.

CUID V

EOLAÍOCHT i gCOMHAR LEIS AN tSOCHAÍ AGUS DON tSOCHAÍ

1. Cuspóir sonrach

Tá sé mar aidhm comhar éifeachtach a chothú idir eolaíocht agus an tsochaí, daoine sárchumasacha a earcú le haghaidh na heolaíochta agus sármhaitheas eolaíoch a nascadh le feachtas shóisialta agus le freagracht shóisialta.

2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Braitheann neart an chórais Eorpaigh eolaíochta agus teicneolaíochta ar a acmhainneacht leas a bhaint as éirim agus as smaointe is cuma cibé áit ina bhfuil siad. Ní bhainfeadh sin amach mura mbeidh idirphlé tairbheach agus saibhir ann idir an eolaíocht agus an tsochaí le heolaíocht níos freagraí a áirithiú agus le go bhféadfar beartais a fhorbairt a bheidh níos ábhartha do shaoránaigh. Tháinig ardú ar líon na saincheisteanna tábhachtacha eiticiúla, dlíthiúla agus sóisialta a bhfuil tionchar acu ar an ngaol idir an eolaíocht agus an tsochaí leis an dul chun cinn mear atá déanta i dtaighde comhaimseartha agus i nuálaíocht chomhaimseartha eolaíochta. Saincheist rithábhachtach, a rinneadh a ghéarú go mór leis an ngéarchéim eacnamaíoch atá ann faoi láthair is ea feabhas a chur ar an gcomhar idir an eolaíocht agus an tsochaí chun go bhféadfar an tacaíocht shóisialta agus pholaitiúil a thugtar don eolaíocht agus don teicneolaíocht a leathnú i ngach Ballstát. Éilítear le hinfheistíocht phoiblí san eolaíocht toghlach leathan sóisialta agus polaitiúil lena roinntear luachanna na heolaíochta, ar toghlach é a bheidh oile agus gafa le próisis na heolaíochta agus in ann a mhéid a chuirtear le heolas, leis an tsochaí agus le dul chun cinn eacnamaíoch de bharr na heolaíochta a aithint.

3. Dul na nGníomhaíochtaí

Is mar a leanas a bheidh fócas na ngníomhaíochtaí:

- (a) gairmeacha eolaíochta agus teicneolaíochta a dhéanamh níos mealltaí do mhic léinn agus daltaí óga, agus idirghníomhaíocht inbhuanaithe a chothú idir scoileanna, institiúidí taighde, an tionsclaíocht agus eagraíochtaí na sochaí sóisialta;
- (b) comhionannas inscne a chur chun cinn go háirithe trí thacú le hathruithe struchtúracha ó thaobh eagrú na n-institiúidí taighde de agus ó thaobh ábhar agus ceapadh na ngníomhaíochtaí taighde de;
- (c) an tsochaí a lánpháirtiú i saincheisteanna, i mbeartais agus i ngníomhaíochtaí eolaíochta agus nuálaíochta le leasanna agus luachanna na saoránach a chomhtháthú agus le go gcuirfeadh le cáilíocht, ábharthacht, inghlacthacht shóisialta agus inbhuanaitheacht na dtorthaí taighde agus nuálaíochta sna réimsí gníomhaíochta éagsúla idir nuálaíocht shóisialta agus réimsí amháil an bhith-theicneolaíocht agus an nanaitheicneolaíocht;
- (d) saoránaigh a spreagadh dul i mbun na heolaíochta trí oideachas foirmiúil agus neamhfoirmiúil eolaíochta, agus trí leathadh gníomhaíochtaí eolaíocht-bhuanaithe a chur chun cinn, eadhon in ionaid eolaíochta agus ar bhealaí iomchuí eile;
- (e) inrochtaineacht agus an úsáid a bhaintear as na torthaí a bheidh ar thaighde a mhaoinítear go poiblí a fhorbairt.
- (f) rialachas a fhorbairt le go gcuirfidh na páirtithe leasmhara uile (taighdeoirí, na húdaráis phoiblí, tionscal agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta) taighde freagrach agus nuálaíocht fhreagrach chun cinn, a bheidh íogair ó thaobh riachtanais agus éilimh na sochaí de; creat eitice a chur chun cinn do thaighde agus do nuálaíocht;

- (g) réamhchúraim chuí agus chomhréireacha a dhéanamh i ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta trí na tionchair ar an gcomhshaoil, ar an tsláinte agus ar an tsábháilteacht a d'fhéadfadh a bheith ann a réamh-mheas agus a mheasúnú;
- (h) feabhas a chur ar eolas maidir le cumarsáid eolaíochta le go gcuirfeadh feabhas ar cháilíocht agus ar éifeachtacht na n-idirghníomhaíochtaí idir eolaithe, na meáin i gcoitinne agus an pobal.

CUID VI

GNÍOMHAÍOCHTAÍ DÍREACHA NEAMHNÚICLÉACHA AN AIRMHEÁIN CHOMHPHÁIRTIGH TAIGHDE (JRC)

1. Cuspóir Sonrach

Is é an cuspóir sonrach tacaíocht theicniúil agus eolaíochta atá dírithe ar chustaiméirí a chur ar fáil do bheartais an Aontais agus freagairt go solúbtha ar éilimh ar bheartais nua.

2. Réasúnaíocht Agus Breisluach An Aontais

Tá clár oibre beartais sainithe ag an Aontas go dtí 2020 lena ndéanfar freastal ar shraith dúshlán casta agus idirnasctha, amhail bainistiú inbhuanaithe acmhainní agus an t-iomaíochas. D'fhonn dul i ngleic go rathúil leis na dúshlán sin, tá fianaise eolaíoch stóinsithe de dhíth lena mbainfidh disciplíní eolaíochta éagsúla agus lena gcumasófar measúnú iontaofa ar roghanna beartais. Déanfaidh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, agus a ról mar sheirbhís eolaíochta maidir le ceapadh beartais an Aontais á chomhlíonadh aige, an tacaíocht eolaíoch agus theicniúil riachtanach a chur ar fáil ar feadh gach céim den timthriall ceaptha beartais, ó cheapadh go cur chun feidhme agus go measúnú. Chun cur leis an gcuspóir conrach sin, díreoidh sé a thaighde go soiléir ar thosaíochtaí beartais an Aontais agus inniúlachtaí trasnaí agus comhar leis na Ballstáit á bhfeabhsú aige ag an am céanna.

Cuireann neamhspleáchas an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde ó leasanna speisialta, mar aon lena ról tagartha eolaíoch teicniúil, lena chumas an cothú comhdhearcaidh atá riachtanach idir páirtithe leasmhara agus lucht ceaptha beartais a éascú. Baineann Ballstáit agus saoránaigh an Aontais tairbhe as taighde an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde, atá riléir i réimsí amhail an tsláinte agus cosaint tomhaltóirí, an comhshaoil, an tsábháilteacht agus an tslándáil, agus bainistiú géarchéimeanna agus tubaistí.

Ar dhóigh níos sonraí, bainfidh na Ballstáit agus na réigiúin tairbhe chomh maith as an tacaíocht a thabharfar dá Straitéisí um Speisialtóireacht Chliste.

Tá an tAirmheán Comhpháirteach Taighde ina dhlúthchuid den Limistéar Eorpach Taighde agus tacóidh sé go gníomhach i gcónaí lena fheidhmithe trí dhlúthchomhar le piaraí agus le páirtithe leasmhara, rochtain ar a shaoráidí a uasmhéadú agus trí thaighdeoirí a chur faoi oiliúint agus trí dhlúthchomhar leis na Ballstáit agus le hinstitiúidí idirnáisiúnta a mbíonn cuspóirí comhchosúla á saothrú acu. Cuirfidh sé sin freisin le lánpháirtíú na mBallstáit nua agus na dTíortha Comhlachaithe; i dtaca leis na tíortha sin, cuirfidh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde cúrsaí oiliúna eolaíochta agus teicniúla tiomanta ar fáil i gcónaí maidir le corpas dlí an Aontais. Bunóidh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde naisc le cuspóirí sonracha ábhartha eile Fís 2020. I gcáil comhlánaithe ar a ghníomhaíochtaí díreacha agus ar mhaithe le tuilleadh comhtháthaithe agus líonraithe sa Limistéar Eorpach Taighde, d'fhéadfadh an Limistéar Eorpach Taighde rannpháirtíú i ngníomhaíochtaí indíreacha Fís 2020 agus in ionstraimí comhordaithe i réimsí ina bhfuil an saineolas ábhartha aige breisluach Aontais a tháirgeadh.

3. Dul na nGníomhaíochtaí

Díreofar gníomhaíochtaí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde i Fís 2020 ar thosaíochtaí beartais an Aontais agus ar na dúshlání shochoíochta a dtabharfaidh siad aghaidh orthu. Tá na gníomhaíochtaí seo ar chomhréim le cuspóirí straitéisí Eorpa 2020, agus leis na ceannteidil: "an tSlándáil agus an tSaoránacht" agus "an Eoraip Dhomhanda" sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil do 2014-2020.

Fuinneamh, iompar, an comhshaoil agus athrú aeráide, an talmhaíocht agus sábháilteacht an tsoláthair bia, an tsláinte agus cosaint tomhaltóirí, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, ábhair thagartha, agus an tsábháilteacht agus an tslándáil (lena n-áirítear an tsábháilteacht núicléach agus an tslándáil núicléach i gclár Euratom) a bheidh mar phríomhréimsí inniúlachta an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde. Na gníomhaíochtaí sna réimsí sin a dhéanfar san Airmheán Comhpháirteach Taighde, seolfar iad agus aird á tabhairt ar thionscnaimh ábhartha ar leibhéal na réigiúin, ar leibhéal na mBallstáit nó ar leibhéal an Aontais, i gcomhthéacs LET a mhúnlú.

Feabhsaítear na limistéir inniúlachta sin go suntasach le cumais chun dul i ngleic leis an timthriall beartais iomlán agus chun roghanna beartais a mheasúnú. Áirítear air sin

- (a) réamh-mheas agus fadhbheathnaitheacht - faisnéis straitéiseach réamhghníomhach maidir le treoicthe agus le himeachtaí i dtaca leis an eolaíocht, leis an teicneolaíocht agus leis an tsochaí agus lena n-impleachtaí féideartha le haghaidh beartais poiblí.

- (b) eacnamaíocht - le haghaidh seirbhíse comhtháite ina gcuimsítear na gnéithe eolaíocha agus teicniúla mar aon leis na gnéithe maicreacnamaíocha.
- (c) samhaltú - díriú ar inbhuanaitheacht agus ar eacnamaíocht agus ar mhaolú spleáchas an Choimisiúin ar sholáthraithe seachtracha le haghaidh anailís rithábhachtach ar chnámha scéil.
- (d) anailís beartais - imscrúdú trasearnálach ar roghanna beartais a chumasú.
- (e) measúnú tionchair - fianaise eolaíoch a chur ar fáil chun tacú le roghanna beartais.

Leanfaidh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde den tsármhaitheas i dtaighde agus de chaidreamh forleathan a shaothrú le hinstiúidí taighde mar bhunús chun tacaíocht eolaíoch agus theicniúil, a bheidh inchreidte agus stóinsithe, a thabhairt i leith beartas. Chuige sin, neartóidh sé comhar le comhpháirtithe Eorpacha agus idirnáisiúnta, inter alia trí rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí indíreacha. Déanfaidh sé taighde taiscéalaíoch fosta agus inniúlachtaí a fhorbairt i réimsí éiritheacha ar bhonn roghnach atá ábhartha do bheartas.

Díreoidh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde ar an méid seo a leanas:

3.1. *Eolaíocht den scoth*

Taighde a dhéanamh chun an bonn fianaise eolaíoch a fheabhsú le haghaidh beartais a cheapadh agus iniúchadh a dhéanamh ar réimsí éiritheacha na heolaíochta agus na teicneolaíochta, lena n-áirítear clár taighde taiscéalaíoch.

3.2. *Ceannaireacht thionsclaíoch*

Rannchuidiú le hiomaíochas Eorpach trí thacaíocht a thabhairt don phróiseas caighdeánaithe agus do chaighdeán trí thaighde réamhnormatach, trí thomhais tagartha agus ábhair thagartha a fhorbairt, agus trí mhodheolaíochtaí i gcúig réimse fhócasacha (fuinneamh; iompar; an tionscnamh suiatheanta 'An Clár Oibre Digiteach don Eoraip'; an tslándáil agus an tsábháilteacht; cosaint tomhaltóirí a chomhchuíbhiú. Measúnuithe sábháilteachta ar theicneolaíochtaí nua a thabhairt chun críche i réimsí amhail fuinneamh agus iompar agus sláinte agus cosaint tomhaltóirí. Rannchuidiú chun úsáid, caighdeánú agus bailíochtú teicneolaíochtaí agus sonraí spáis a éascú, go háirithe chun dul i ngleic le dúshláin shochoaíocha.

3.3. *Dúshláin shochoaíocha*

- (a) An tsláinte, an t-athrú déimeagrafach agus an fholláine

Rannchuidiú le cosaint sláinte agus tomhaltóirí trí thacaíocht eolaíoch agus theicniúil i réimsí amhail bia, beatha, táirgí tomhaltóirí; an comhshaol agus an tsláinte; cleachtais diagnóiseach agus scagtha maidir le sláinte; agus cothú agus réimeanna bia.

- (b) Sábháilteacht an tsoláthair bia, an talmhaíocht agus an fhoraoiseacht inbhuanaithe, taighde ar chúrsaí na mara agus ar chúrsaí muirí agus ar uisce intíre agus an bithghilleagar

Tacú le forbairt agus le cur chun feidhme bheartais talmhaíochta agus iascaigh na hEorpa agus faireachán orthu, lena n-áirítear sábháilteacht bia agus sábháilteacht an tsoláthair bia agus bithghilleagar a fhorbairt trí bhithin e.g. réamhaisnéis táirgthe barr, anailísí teicniúla agus socheacnamaíocha agus samhaltú agus farraigí sláintiúla agus táirgiúla a chur chun cinn.

- (c) Fuinneamh atá slán, glan agus éifeachtúil

Tacú le spriocanna aeráide agus fuinnimh 20/20/20 maidir le taighde ar ghnéithe teicneolaíocha agus eacnamaíocha an tsoláthair fuinnimh, éifeachtúlachta, teicneolaíochtaí ísealcharbóin, agus líonraí tarchurtha fuinnimh/leictreachais.

- (d) Iompar atá cliste, glan agus comhtháite

Tacú le beartas an Aontais maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe, sábháilte agus slán daoine agus earraí trí staidéir saotharlainne, trí shamhaltaithe agus trí chineálacha cur chuige faireacháin éagsúla, lena n-áirítear teicneolaíochtaí ísealcharbóin chun críocha iompair, amhail leictrithe, feithiclí glana agus éifeachtúla agus breoslaí malartacha, agus córais um shoghluaisteacht chliste.

- (e) Gníomhaíocht ar mhaithe leis an aeráid, an comhshaol, éifeachtúlacht acmhainní agus amhábhair

Imscrúdú a dhéanamh ar na dúshláin thrasearnálacha maidir le bainistíocht inbhuanaithe ar acmhainní nádúrtha trí bhithin faireachán a dhéanamh ar phríomhathrúga comhshaoil agus creat samhaltaithe comhtháite a fhorbairt le haghaidh measúnú inbhuanaitheachta.

Tacú le héifeachtúlacht acmhainní, laghdaithe astaíochtaí agus soláthar inbhuanaithe amhábhbar trí bhíthin measúnuithe sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíocha comhtháite ar phróisis táirgthe, ar theicneolaíochtaí agus ar tháirgí agus ar sheirbhísí atá glan ó thaobh an chomhshaoil de.

Tacú le cuspóirí bheartas forbartha an Aontais maidir le taighde chun cuidiú le soláthairtí imleora agus acmhainní imleora a áirithiú ag díriú ar fhaireachán ar pharaiméadair chomhshaoil agus acmhainne, ar anailís a bhaineann le sábháilteacht bia agus sábháilteacht an tsoláthair bia, agus tarchur eolais.

(f) An Eoraip i ndomhain atá ag athrú - Sochaithe cuimsitheacha, nuálaíocha agus slána

Rannchuidiú agus faireachán ar chur chun feidhme an tionscnaimh shuaitheanta 'An tAontas Nuálaíochta' le hanailís maicreacnamaíocha ar na spreagthaí agus ar na bacainní a bhaineann leis an taighde agus leis an nuálaíocht, agus modheolaíochtaí, scórchláir agus táscairí a fhorbairt.

Tacú leis an Limistéar Eorpach Taighde (ERA) trí fhaireachán a dhéanamhar fheidhmiú an Limistéir Eorpaigh Taighde agus anailís a dhéanamh ar spreagthaí agus ar bhacainní maidir le cuid de na príomhghnéithe lena mbaineann; agus trí líonrú taighde, oiliúint, agus trí shaoráidí agus bhunachair shonraí JRC a chur ar fáil d'úsáideoirí i mBallstáit agus i dTíortha is iarrthóirí agus i dtíortha comhlachaithe.

Rannchuidiú le príomhchuspóirí an tionscnaimh shuaitheanta 'Clár Oibre Digiteach don Eoraip' trí anailís cáilíochtúla agus cainníochtúla ar ghnéithe eacnamaíocha agus sóisialta (an Geilleagar Digiteach, an tSochfaí Dhigiteach, an Saol Digiteach).

(g) Sochaithe slána – Saoirse, slándáil agus na hEorpa agus a cuid saoránach a chosaint.

Tacú le sábháilteacht agus le slándáil inmheánach trí leochaileacht na mbonneagar criticiúil mar chomhpháirteanna ríthábhachtacha feidhmeanna sochaíocha a shainathint agus a mheasúnú; agus trí mheasúnú feidhmíochta oibriúcháin agus trí mheasúnú sóisialta agus eiticúil ar theicneolaíochtaí a bhaineann le céannacht dhigiteach; Aghaidh a thabhairt ar dhúshlán slándála domhanda lena n-áirítear bagairtí éiritheacha nó hibrideacha trí uirlisí sárforbartha a fhorbairt le haghaidh mianadóireachta agus anailíse agus le haghaidh bainistíú géarchéime.

Cumas an Aontais a fheabhsú maidir le tubaistí idir thubaistí nádúrtha agus thubaistí de dhéantús an duine a bhainistíú trí fhaireachán a dhéanamh ar na bonneagair agus trí fhorbairt a dhéanamh ar shaoráidí tástála agus ar réamhrabhadh ilghuaise domhanda agus ar chórais faisnéise bainistithe riosca a neartú, ag baint leasa sa creataí breathnadóireachta satailít-bhunaithe le haghaidh an Domhain.

CUID VII

AN INSTITUTE EORPACH UM NUÁLÁÍOCHT AGUS TEICNEOLÁÍOCHT (EIT)

1. Cuspóir sonrach

Is é an cuspóir sonrach triantán eolais an ardoideachais, na nuálaíochta agus an an taighde a chomhtháthú agus ar an gcaoi sin cumas nuálaíochta an Aontais a threisiú agus aghaidh a thabhairt ar dhúshlán shochaíocha.

Tá roinnt laigí struchtúracha os comhair na hEorpa ó thaobh cumais nuálaíochta de agus an chumais seirbhísí, táirgí agus próisis nua a chur ar fáil, rud a chuireann as don fhás eacnamaíoch inbhuanaithe agus do chruthú post. I measc na bpríomh-shaincheisteanna atá i gceist, tá teist na hEorpa atá sách lag maidir le daoine éirimiúla a mhealladh agus a choimeád; tearcúsáid láidreachtaí taighde reatha maidir le luach eacnamaíoch nó sóisialta a chruthú; an easpa torthaí ar taighde a thugtar chuig an margadh; leibhéil ísle ghníomhaíochta fiontraíochta agus mheoin; gearáil íseal na hinfheistíochta príobháidí i dTaighde & Forbairt, scála acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna, i moil sármhaitheasa nach leor chun dul in iomaíocht ar bhonn domhanda; agus líon iomarcach bacainní ó thaobh comhair laistigh de thriantán an ardoideachais, na nuálaíochta agus an an taighde ar an leibhéal Eorpach.

2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Más gá don Eoraip dul san iomaíocht ar scála idirnáisiúnta, ní mór na laigí struchtúracha sin a sháru. Tá na gnéithe a sainathníteart thuas coitianta ar fud na mBallstát agus bíonn tionchar acu ar chumas nuálaíochta an Aontais ina iomláine.

Rachaidh EIT i ngleic leis na saincheisteanna sin trí athruithe struchtúracha a chur chun cinn i dtimpeallacht nuálaíochta na hEorpa. Déanfaidh sé é sin trí chomhtháthú an ardoideachais, an taighde agus na nuálaíochta a chothú de réir na gcaighdeán is airde, go háirithe trína Phobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna) agus timpeallachtaí nua a chruthú dá bhrí sin a chabhróidh le nuálaíocht, trí ghlúin nua fiontraithe a chur chun cinn agus tacú leo agus trí chruthú gnóthaí nuathionscanta agus seach-chuideachtaí a spreagadh. Ar an gcaoi sin, rannchuideoidh EIT go hiomlán le cuspóirí straitéis Eoraip 2020 agus go háirithe le cuspóirí tionscnaimh shuaitheanta an Aontais Nuálaíochta agus an Oige ag Bogadh.

Fairis sin, ba cheart don EIT agus dá chuid PENanna sineirgí agus caidreamh a chothú thar thosaíochtaí Fhís 2020 agus le tionscnaimh ábhartha eile. Go háirithe, cuirfidh an EIT, trí na PENanna le cuspóirí sonracha na tosaíochta "Dúshlán shochoíochta" agus leis an gcuspóir sonracha "An cheannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíochta".

Oideachas agus fiontraíocht a chomhtháthú le taighde agus le nuálaíocht

Is éard atá i ngné shonrach EIT ardoideachas agus fiontraíocht a chomhtháthú le taighde agus le nuálaíocht mar naisc i slabhra nuálaíochta aonair ar fud an Aontais agus níos faide anonn, agus ba cheart go n-eascródh as sin, inter alia, ardú ar sheirbhísí, ar tháirgí agus ar phróisis nuálacha a thugtar chuig an margadh.

Loighic an ghnó agus cur chuige bunaithe ar thorthaí

Feidhmíonn EIT trí bhíthin a chuid PENanna i gcomhréir le loighic ghnó agus glactar cur chuige dírithe ar thorthaí léi. Is réamhriachtanas é ceannaireacht láidir: bíonn gach PEN faoi stiúir ag POF. Déanann einitis dlí aonair ionadaíocht thar ceann comhpháirtithe PEN chun cinnteoireacht níos cuíchóirithe a chumasú. Ní mór do PENanna pleananna gnó bliantúla a tháirgeadh a bheidh sainithe go soiléir, ina leagfar amach straitéis ilbhliantúil agus lena n-áireofar punann uailmhianach gníomhaíochtaí idir oideachas agus cruthú gnó, lena mbainfidh spriocanna inghnóthaithe soiléire ag féachaint do thionchar ar bhonn margaidh agus sochaíoch. De thoradh na rialacha reatha maidir le PENanna a bhaineann le rannpháirtíocht, le meastóireacht agus le faireachán, bítear in ann mearchinní sprioctha a dhéanamh. Ba cheart ról tábhachtach a bheith ag an lucht gnó agus ag fiontraíthe agus na gníomhaíochtaí i PENanna a chur i gcrích agus ba cheart do PENanna a bheith in ann infheistíocht agus gealltanais fadtéarmach a fháil ó earnáil an ghnó.

Ilroinnt a shárú le cúnaimh ó chomhpháirtíochtaí comhtháite fadtéarmacha

Is fiontair thar a bheith comhtháite iad PENanna EIT, trína ndéantar comhpháirtithe ó earnáil na tionsclaíochta lena n-áirítear FBManna, ó institiúidí ardoideachais, taighde agus teicneolaíochta, a bhfuil cáil na sármhaitheasa orthu, a thabhairt le chéile ar bhealach oscailte, cuntasach agus trédhearcach. Cuireann PENanna ar chumas comhpháirtithe ar fud an Aontais agus lasmuigh de teacht le chéile i gcumraíochtaí nua trasteorann, acmhainní reatha a bharrfheabhsú, rochtain a fháil ar dheiseanna gnó nua trí shlabhraí luacha nua ina dtugtar aghaidh ar dhúshláin ardriosca ar mhórscaála. Cuireann PENanna fáilte roimh rannpháirtíocht iontrálaithe nua a thugann breisluach don chomhpháirtíocht, FBManna san áireamh.

Príomhshócmhainn nuálaíochta na hEorpa: daoine éirimiúla

Is bunghné na nuálaíochta í an tallann. Cothaíonn EIT daoine agus na hidirghníomhaíochtaí eatarthu trí mhic léinn, taighdeoirí, agus fiontraíthe a chur ag croílár a shamhla nuálaíochta. Cuirfidh EIT cultúr fiontraíochta agus cruthaitheach mar aon le hoideachas trasdisciplíneach ar fáil do dhaoine éirimiúla, trí chéimeanna máistreacht agus PhD faoi lipéad EIT, atá ceaptha chun teacht chun cinn mar bhranda sármhaitheasa lena mbainfidh aitheantas idirnáisiúnta. Ar an dóigh sin, cuireann EIT soghluaisteacht agus oiliúint chun cinn go láidir laistigh de thriantán an eolais.

3. **Dul na nGníomhaíochtaí**

Feidhmeoidh EIT go príomha trí na PENanna go háirithe sna réimsí ina dtairgtear fíoracmhainneacht nuálaíochta. Cé go bhfuil a lán neamhspleáchais ar an bhforiomlán ag PENanna a gcuid straitéisí agus gníomhaíochtaí féin a shainiú, tá roinnt gnéithe nuálaíochta coiteann do PENanna go léir, ar gnéithe iad a lorgófar comhar agus sineirgí ina leith. De bhreis air sin, cuirfidh EIT feabhas ar an tionchar a bheidh aige trí dheachleachtas a scaipeadh maidir leis an gcaoi a bhféadfar an triantán eolais agus forbairt na fiontraíochta a chomhtháthú, trí chomhpháirtithe ábhartha nua a chomhtháthú i gcás ina bhféadfaidh siad breisluach a thabhairt, agus trí chultúr nua comhroinnte eolais a chothú go gníomhach.

(a) Gníomhaíochtaí ardoideachais, taighde agus nuálaíochta a thraschur agus a fheidhmiú chun gnó nua a chruthú

Beidh sé mar aidhm ag EIT cúinsí a chruthú ina bhféadfar acmhainneacht nuálach na ndaoine a fhorbairt agus leas a bhaint as a smaointí, beag beann ar a staid sa slabhra nuálaíochta. Dá bhrí sin, cuideoidh EIT chun dul i ngleic leis an 'paradacs Eorpach' nach bhfuil leas iomlán á bhaint as an taighde den scoth atá ann cheana ná baol air. Ar an dóigh sin, cuideoidh EIT smaointe a thabhairt chun margaidh. Go príomha trí PENanna agus trí bhíthin an fhócais atá aige meonta fiontraíochta a chothú, déanfaidh sé deiseanna gnó nua a chruthú i bhfoirm gnóthaí nuathionscanta agus seach-chuideachtaí agus laistigh d'earnáil reatha na tionsclaíochta freisin. Cuirfear béim ar chineálacha nua nuálaíochta, lena n-áirítear nuálaíocht theicneolaíoch, shóisialta agus neamhtheicniúil.

(b) Taighde ceannródaíoch a spreagtar ag nuálaíocht i réimsí rithabhachtacha ó thaobh an gheilleagair agus na sochaí de

Spreagfar straitéisí agus gníomhaíochtaí EIT le fócas a leagfar ar réimsí lena dtairgtear fíoracmhainneacht nuálaíochta agus a bhfuil baint shoiléir acu leis na dúshláin shochoíochta a ndírítear orthu i bhFís 2020. Trí aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin shochoíochta ar bhealach cuimsitheach, cuirfidh EIT cineálacha cur chuige éagsúla idirdisciplíneacha agus ildisciplíneacha chun cinn agus cuideoidh sé le hiarrachtaí taighde na gcomhpháirtithe i PENanna a spriocdhíriú.

- (c) Daoine éirimiúla, oilte agus fiontraíocha a fhorbairt le cúnadh ó chúrsaí oideachais agus oiliúna

Comhtháthóidh EIT oideachas agus oiliúint go hiomlán ag gach céim de ghairmréimeanna agus tacófar le forbairt curaclam nua agus nuálach agus éascófar an fhorbairt sin chun an gá atá le próifílí nua mar gheall ar dhúshlán shochoíocha agus eacnamaíocha chasta a léiriú. Chuige sin, beidh príomhról ag EIT chun céimeanna agus dioplómaí nua atá comhpháirteach nó atá ina n-ilchéimeanna agus ina n-ildiplómaí a chur chun cinn i mBallstáit agus prionsabal na coimhdeachta á urramú aige.

Beidh ról substaintiúil ag EIT freisin coincheap na 'fiontraíochta' a mhionchoigeartú trína chlár oideachasúil, lena gcuirtear fiontraíocht chun cinn i gcomhthéacs dianeolais, ag cur le taighde nuálach agus ag rannchuidiú le réitigh a bhfuil ábharthacht shochoíoch ard ag baint leo.

- (d) An dea-chleachtas is fearr agus comhroinnt eolais ar bhonn sistéamach a scaipeadh

Beidh sé mar aidhm ag EIT ceannródaíocht a dhéanamh ar chineálacha cur chuige nua agus comhchultúr traschurtha nuálaíochta agus eolais a fhorbairt, FBManna san áireamh. D'fhéadfadh go dtarlódh sin, trí bhíthin taithí éagsúil PENanna a chomhroinnt, inter alia, trí bhíthin sásraí scaipthe éagsúla, amhail ardán páirtithe leasmhara agus scéim comhaltachta.

- (e) An ghné idirnáisiúnta

Tugann EIT aird ar an gcomhthéacs domhanda ina bhfeidhmíonn sé agus cuideoidh sé le naisc a chothú le príomhchomhpháirtithe idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 27(2). Trí ionaid sármhaitheasa a mhéadú ó scála le PENanna agus trí dheiseanna nua oideachais a chothú, beidh sé mar aidhm tarraingteacht na hEorpa a neartú do dhaoine éirimiúla ó áiteanna eile.

- (f) Tionchar uile-Eorpach a fheabhsú trí shamhail chistiúcháin nuálaíoch

Rannchuideoidh EIT go mór leis na cuspóirí a leagtar amach i Fís 2020, go háirithe trí aghaidh a thabhairt na dúshlán shochoíocha ar bhealach a bheidh comhlántach le tionscnaimh eile sna réimsí sin. Faoi chuimsiú Fís 2020, tástálfadh sé cineálacha cur chuige éagsúla nua agus simplithe maidir le cistiú agus le rialachas agus dá bharr sin beidh ról ceannródaíochta aige laistigh den timpeallacht nuálaíochta Eorpach. Cuirfear cuid den ranníocaíocht bhliantúil i leith PENanna ar bhealach iomaíoch. Beidh cur chuige na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht maidir le cistiú bunaithe go dlúth ar éifeacht ghairiála láidir, lena ndéantar cistí poiblí agus cistí príobháideacha araon a úsáid ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus cuirfear sin in iúl, ar bhealach trédhearcach, do na Ballstáit agus do na páirtithe leasmhara ábhartha. Ina theannta sin, úsáidfídh sé sásraí nua chun tacaíocht spriodhírthe a thabhairt do ghníomhaíochtaí aonair trí bhíthin Fhondúireacht EIT.

- (g) Forbairt réigiúnach a nascadh le deiseanna Eorpacha

Trí na PENanna agus na hionaid chomhlonnaithe lena mbaineann – nóid sármhaitheasa, ag tarraingt comhpháirtithe ardoideachais, taighde agus gnó le chéile i láthair gheografach áirithe – beidh EIT nasctha freisin leis an mbeartas réigiúnach. Go háirithe, áiríteoidh sé nasc níos fearr idir institiúidí ardoideachais, margadh an tsaothair agus an nuálaíocht agus fás réigiúnach, i gcomhthéacs na straitéisí réigiúnacha agus náisiúnta um speisialtóireacht chliste. Ar an dóigh sin, rannchuideoidh sé le cuspóirí bheartas comhtháthaithe an Aontais.

IARSCRÍBHINN II

Miondealú ar an mbuiséad

Seo a leanas an miondealú tásach le haghaidh Fís 2020:

	EUR million i bpragsanna reatha
I Eolaíocht den scoth, lena n-áirítear:	24 441,1
1. An Chomhairle Eorpach um Thaighde (CET)	13 094,8
2. Teicneolaíochtaí sa Todhchaí agus Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn (FET)	2 696,3
3. Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie	6 162
4. Bonneagair taighde	2 488
II An cheannaireacht thionsclaíoch, lena n-áirítear:	17 015,5
1. An cheannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíochta (*), (***)	13 557
2. Rochtain ar mhaoiniú riosca (**)	2 842,3
3. Nuálaíocht i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide (***)	616,2
III Dúshlán shochoíochta, lena n-áirítear (****)	29 679
1. An tsláinte, an t-athrú déimeagrafach agus an fholláine	7 471,8
2. Sábháilteacht an tsoláthair bia, an talmhaíocht agus an fhoraoiseacht inbhuanaithe, taighde ar chúrsaí na mara agus ar chúrsaí muirí agus ar uisce intíre agus an bithghheilleagar	3 851,4
3. Fuinneamh atá slán, glan agus éifeachtúil	5 931,2
4. Iompar atá cliste, glas agus comhtháite	6 339,4
5. Gníomhaíocht ar mhaithe leis an aeráid, an comhshaol, éifeachtúlacht acmhainní agus amhábhair	3 081,1
6. An Eoraip i ndomhain atá ag athrú - sochaithe cuimsitheacha, nuálaíochta agus slána	1 309,5
7. Sochaithe slána – Saoirse agus slándáil na hEorpa agus a cuid saoránach a chosaint.	1 694,6
IV Feabhas a leathnú agus rannpháirtíocht a ardú	816,5
V Eolaíocht i gcomhar leis an tSochaí agus don tSochaí	462,2
IV Gníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde	1 902,6
V An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (IET)	2 711,4
IOMLÁN	77 028,3

(*) Lena n-áirítear EUR 7 711 milliún le haghaidh Teicneolaíochtaí na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC), arna mhiondealú mar seo: EUR 1 594 milliún le haghaidh na fótonaice, na micrileictreonaice agus na nanaileictreonaice; EUR 3 851 milliún le haghaidh nanaitheicneolaíochtaí, ábhar sárhorbartha, na hardmhonaraíochta agus na hardphróiseála; EUR 516 milliún le haghaidh na biteicneolaíochta; agus EUR 1 479 le haghaidh cúrsaí spáis. Dá thoradh sin, beidh 5 961 milliún% ar fáil mar thacaíocht d'Eochair-theicneolaíochtaí Cumasúcháin.

(**) Féadfar thart ar EUR 994 milliún den tsuim sin a tabhairt do thionscadail de chuid an Phlean Straitéisigh um Theicneolaíocht Fuinnimh (Plean SET) a chur chun feidhme. Féadfar thart ar thrian di a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

(***) Laistigh den sprioc íosmhéid 20 % d'iomlán na mbuiséad, arna nglacadh le chéile, don chuspóir sonrach 'Ceannaireacht i dTeicneolaíochtaí Cumasúcháin agus Tionsclaíochta' agus don tosaíocht 'na Dúshlán Shochoíochta' a leithdháileadh d'FBManna, leithdháilfear íosmhéid 5 % de na buiséid nasctha sin ar an ionstraim tiomanta do FBManna i dtús báire. Leithdháilfear 7 % de na buiséid iomlána don chuspóir sonrach 'Ceannaireacht i dTeicneolaíochtaí Cumasúcháin agus Tionsclaíochta' agus don tosaíocht 'na Dúshlán Shochoíochta' ar an ionstraim tiomanta do FBManna agus é meánaithe thar tréimhse chlár Fís 2020.

(****) Maoineofar treoirghníomhaíochtaí na Conaire Mire i dtreo na Nuálaíochta ón gcuspóir sonrach a bhaineann le Ceannaireacht i dTeicneolaíochtaí Cumasúcháin agus Tionsclaíochta agus ó chuspóirí ábhartha sonracha tosaíocht 'na Dúshlán Shochoíochta'. Déanfar líon leordhóthanach tionscadal a sheoladh chun go bhféadfar meastóireacht iomlán a dhéanamh arCMN.

**RIALACHÁN (AE) Uimh. 1292/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 11 Nollaig 2013**

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 294/2008 lena mbunaítear an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 173(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) De réir na Straitéise 'Eoraip 2020 maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, tá ról tábhachtach ag an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht ("EIT") a rannchuidíonn le roinnt tionscnamh suaitheanta.
- (2) Le linn na tréimhse ó 2014 go 2020 ba cheart go rannchuideodh EIT le cuspóirí "Fís 2020 - an Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht" a bunaíodh le Rialachán Uimh. 1291/2013 ⁽³⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ("Fís 2020"), trí thriantán an ardoideachais, an taighde, agus na nuálaíochta a chomhtháthú.
- (3) Chun creat comhleanúnach a áirithiú do rannpháirtithe in "Fís 2020", ba cheart go mbeadh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ (Rialacha maidir le Rannpháirtíocht) maidir le EIT.
- (4) Tugtar sainmhíniú ar na rialacha maidir le cearta maoinne intleachtúla a bhainistiú sna Rialacha maidir le Rannpháirtíocht.
- (5) Tugtar sainmhíniú ar na rialacha maidir le comhlachas tríú tíortha in "Fís 2020".

⁽¹⁾ IO C 181, 21.6.2012, lch. 122.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Samhain 2013.

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 11 Nollaig 2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... lena mbunaítear 'Fís 2020' – An Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020) (Féach leathanach 104 den Iris Oifigiúil seo).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 11 Nollaig 2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh i 'Fís 2020' – an Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020), Féach leathanach 81 den Iris Oifigiúil seo

- (6) Ba cheart do EIT fiontraíocht a chothú ina ghníomhaíochtaí ardoideachais, taighde agus nuálaíochta. Ba cheart go ndéanfadh sé, go háirithe, oideachas fiontraíochta den scoth a chur chun cinn agus go dtabharfadh sé tacaíocht do bhunú gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí seachthairbheacha.
- (7) Ba cheart do EIT dul i ngleic go díreach le hionadaithe náisiúnta agus réigiúnacha agus le geallsealbhóirí eile ón slabhra nuálaíochta ionas go mbeadh iarmhairtí tairbheacha ar an dá thaobh ann. Chun idirphlé agus malartú den sórt sin a dhéanamh níos córasaí, ba cheart go ndéanfaí Fóram Geallsealbhóirí de chuid EIT a bhunú, ina dtabharfaí le chéile an pobal níos leithne de gheallsealbhóirí faoi shaincheisteanna cothrománacha. Ba cheart do EIT freisin gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a dhéanamh lena ndíreofar ar na geallsealbhóirí ábhartha.
- (8) Ba cheart do EIT rannpháirtíocht a bheadh cothromúil go cuí a chur chun cinn idir na gníomhairí éagsúla ón triantán eolais atá rannpháirteach sna Pobail Eolais agus Nuálaíochta ("PENanna"). Thairis sin, ba cheart dó rannpháirtíocht láidir ón earnáil phríobháideach, go háirithe ó mhicrifhiontair/fhiontair bheagmhéide agus mheánmhéide ("FBManna"), a chur chun cinn.
- (9) Ba cheart go ndéanfaí raon feidhme ranníocaíocht EIT le PENanna a shainiú agus ba cheart bunús achmhainní airgeadais PENanna a shoiléiriú.
- (10) Ba cheart comhdhéanamh chomhlachtaí EIT a shimpliú. Ba cheart feidhmiú Bhord Rialaithe EIT a chuíchóiriú agus ba cheart tuilleadh soiléirithe a dhéanamh ar ról agus ar chúraimí an Bhoird Rialaithe agus an Stiúrthóra faoi seach.
- (11) Ba cheart go ndéanfaí PENanna nua, lena n-áirítear a réimsí tosaíochta agus eagrú agus uainiú an phróisis roghnúcháin, a sheoladh ar bhonn na módúlachtaí arna sainiú sa Chlár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht, tar éis próiseas oscailte, trédhearcach agus iomaíoch a bheith ann.
- (12) Ba cheart do PENanna a gcuid gníomhaíochtaí oideachais a leathnú chun an bonn scileanna ar fud an Aontais a fheabhsú trí chúrsaí gairmiúla agus cúrsaí eile iomchuí oiliúna a sholáthar.
- (13) Ní mór don Choimisiún agus do EIT oibriú i gcomhar le chéile maidir le faireachán agus meastóireachtaí ar PENanna a eagrú d'fhonn comhchuibheas leis an gcóras faireacháin agus meastóireachta foriomlán ar leibhéal an Aontais a áirithiú. Ba cheart, go háirithe, go mbeadh prionsabail shoiléire ann chun faireachán a dhéanamh ar PENanna agus ar EIT.

- (14) Ba cheart do PENanna sineirgí a lorg le tionscnaimh ábhartha Aontais, náisiúnta agus réigiúnacha.
- (15) D'fhonn rannpháirtíocht níos leithne eagraíochtaí ó Bhallstáit éagsúla in PENanna a áirithiú, ba cheart eagraíochtaí comhpháirtíochta a bhunú i dtrí Bhallstát éagsúil ar a laghad.
- (16) Ba cheart do EIT agus do PENanna gníomhaíochtaí for-rochtana a fhorbairt agus na cleachtais is fearr a scaipeadh, lena n-áirítear tríd an Scéim Nuálaíochta Réigiúnach.
- (17) Ba cheart do EIT na critéir agus na nósanna imeachta chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí PENanna agus chun na gníomhaíochtaí sin a mhaoiniú agus meastóireacht a dhéanamh orthu a ghlacadh sula seolfar an próiseas roghnúcháin le haghaidh PENanna.
- (18) Ba cheart go ndéanfaí tuairim an Choimisiúin maidir le cuspóirí sonracha EIT, mar a shainítear iad in "Fís 2020", agus a chomhlántachtaí le beartais agus le hionstraimí an Aontais, a chur san áireamh i gClár Saothair Tríbhliantúil EIT.
- (19) Toisc go dtagann EIT faoi "Fís 2020", bainfidh sé le príomhshruathú chaiteachas an athraithe aeráide mar a shainítear in "Fís 2020".
- (20) Ba cheart go bhfaighfí ionchur tráthúil don mheastóireacht ar "Fís 2020" in 2017 agus in 2023 ón meastóireacht ar EIT.
- (21) Ba cheart don Choimisiún a ról a neartú maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme gnéithe sonracha de ghníomhaíochtaí EIT.
- (22) Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais do ré iomlán "Fís 2020", arb éard a bheidh ann an príomh-mhéid tagartha de réir bhrí phointe 17 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar i gcúrsaí buiséadacha agus le bainistíocht fhóna airgeadais⁽¹⁾, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil. Ba cheart go soláthrófaí an ranníocaíocht airgeadais do EIT ó "Fís 2020".
- (23) Cé go rabhthas ag súil leis i dtosach, ní bhfaighidh Fondúireacht EIT ranníocaíocht dhíreach ó bhuiséad an Aontais agus, dá bhrí sin, níor cheart go mbeadh feidhm ag nós imeachta urscaoilte an Aontais leis.
- (24) Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart go gcuirfí larscríbhinn nua in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 294/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾.
- (25) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 294/2008 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 294/2008 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

"1. ciallaíonn "nuálaíocht": an próiseas, lena n-áirítear fothorthaí an phróisis sin, trína bhfreagraíonn smaointe nua do riachtanais nó d'éileamh ón tsochaí nó ón ngeilleagar agus trína ngintear táirgí nua, seirbhísí nua nó múnláí nua gnó agus eagraíochta a thugtar isteach go rathúil i margadh atá ann cheana nó atá ábalta margái nua a chruthú agus a thugann luach don tsochaí;"

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:

"2. ciallaíonn "Pobal Eolais agus Nuálaíochta" (PEN): comhpháirtíocht uathrialaitheach d'institiúidí ardoideachais, d'eagraíochtaí taighde, de chuideachtaí agus de gheallsealbhoirí eile i bpróiseas na nuálaíochta i bhfoirm gréasáin straitéisigh, beag beann ar an bhfoirm dhlíthiúil bheacht atá aige, atá bunaithe ar chomhphleanáil nuálaíochta sa mheántearma agus san fhadtearma chun dúshlán EIT a chomhlíonadh agus chun rannchuidiú le baint amach na gcuspóirí arna mbunú faoi Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) ("Fís 2020");

(*) Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 an 11 Nollaig 2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís 2020 - An Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 104)."

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

"3. ciallaíonn "ionad comhlonnaithe": limistéar geografach ina bhfuil príomh-chomhpháirtithe an triantáin eolais lonnaithe, agus ar féidir leo idirghníomhú go héasca, arb é an pointe fócasach do ghníomhaíocht PENanna sa limistéar sin é;"

(d) scriostar pointe 4;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 5:

"5. ciallaíonn "eagraíocht chomhpháirtíochta": aon eagraíocht ar comhalta de PEN í, agus féadfar a áireamh leis, go háirithe, institiúidí ardoideachais, eagraíochtaí taighde, cuideachtaí poiblí nó cuideachtaí príobháideacha, institiúidí airgeadais, údarais réigiúnacha agus údarais áitiúla, fondúireachtaí agus eagraíochtaí neamhbhrabúis;"

⁽¹⁾ IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh 294/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 lena mbunaítear an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (IO L 97, 9.4.2008, lch. 1).

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 9:

"9. ciallaíonn "Clár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht" (COSN): doiciméad beartais ina leagtar amach réimsí tosaíochta agus straitéis fhadtéarmach EIT i leith tionscnaimh a bhfuiltear le tabhairt fúthu amach anseo, lena n-áirítear forléargas ar na gníomhaíochtaí ardoideachais, taighde agus nuálaíochta a bheartaítear, ar feadh tréimhse seacht mbliana.";

(g) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

"9a. ciallaíonn "Scéim Nuálaíochta Réigiúnach" (SNR): scéim for-rochtana atá dírithe ar chomhpháirtíochtaí idir institiúidí ardoideachais, eagraíochtaí taighde, cuideachtaí agus geallsealbhóirí eile, chun nuálaíocht a chothú ar fud an Aontais;"

(h) cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

"10. Ciallaíonn "Fóram na nGeallsealbhóirí": ardán atá oscailte d'ionadaithe údarás náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, do leasa eagraithe agus d'eintitis aonair ó ghnó, ón ardoideachas, ó thaighde, ó chomhlachais, ón tsochaí shibhialta agus ó chnuas-eagraíochtaí, mar aon le páirtithe leasmhara eile ón triantán eolais;

11. Ciallaíonn "gníomhaíochtaí breisluacha PEN": gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eagraíochtaí comhpháirtíochta, nó eintitis dhlíthiúla PEN, i gcás inarb infheidhme, lena gcuirtear le comhtháthú thriantán eolais an ardoideachais, an taighde agus na nuálaíochta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí bunaithe, riaracháin agus comhordaithe PENanna, agus lena gcuirtear le cuspóirí foriomlána EIT."

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

"Airteagal 3

Misean agus Cuspóirí

Is é misean EIT cur le fás eacnamaíoch inbhuanaithe na hEorpa agus le hiomaíochas trí chumas nuálaíochta na mBallstát agus an Aontais a athneartú chun dul i ngleic leis na mórdhúshláin a gcaithfidh sochaí na hEorpa aghaidh a thabhairt orthu. Déanfaidh sí sin trí shineirgí agus comhar a chur cinn idir an ardoideachas, an taighde agus an nuálaíocht den chaighdeán is airde, agus tríd an méid sin a lánpháirtíú, lena n-áirítear trí fhiontraíocht a chothú.

Tá Cuspóirí Ginearálta, Cuspóirí Sonracha agus táscairí ar thorthaí de chuid EIT don tréimhse ó 2014 go 2020 sainithe in "Fís 2020".

(3) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) Bord Rialaithe ar a mbeidh comhaltaí ardleibhéil a bhfuil taithí acu ar an ardoideachas, ar thaighde, ar nuálaíocht agus ar ghnó. Beidh sé freagrach as gníomhaíochtaí EIT a stiúradh, as PENanna a roghnú, a ainmniú agus as meastóireacht a dhéanamh orthu, agus as gach cinneadh straitéiseach eile. Beidh Coiste Feidhmiúcháin de chúnamh aige;"

(b) scriostar pointe (b);

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) Stiúirthóir, arna cheapadh ag an mBord Rialaithe, a bheidh freagrach don Bhord Rialaithe as bainistíocht riaracháin agus airgeadais EIT agus is é a bheidh ina ionadaí dlíthiúil ar EIT;"

(4) Leasaítear Airteagal 5(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) sainnithneoidh sí a príomhthosaíochtaí agus a príomhghníomhaíochtaí i gcomhréir le COSN;"

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) roghnóidh agus ainmneoidh sí PENanna sna réimsí tosaíochta i gcomhréir le hAirteagal 7 agus sainmhíneoidh sí a gcearta agus a n-obleagáidí trí chomhaontú, cuirfidh sí an tacaíocht iomchuí ar fáil dóibh, cuirfidh sí bearta rialaithe cáilíochta iomchuí i bhfeidhm, déanfaidh sí faireachán leanúnach ar a gcuid gníomhaíochtaí agus déanfaidh sí meastóireacht orthu go tráthrialta, áirithneoidh sí go ndéanfar leibhéal iomchuí comhordaithe agus éascóidh sí cumarsáid agus comhar téamach idir PENanna;"

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

"(f) cuirfidh sí scaipeadh na gcleachtas is fearr chun cinn chun triantán an eolais a lánpháirtíú, lena n-áirítear i measc PENanna, d'fhonn comhchultúr aistrithe nuálaíochta agus eolais a fhorbairt, agus spreagfaidh sí rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí for-rochtana, lena n-áirítear in SNR;"

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

"(h) cuirfidh sí cineálacha cur chuige ildisciplíneacha maidir le nuálaíocht chun cinn, lena n-áirítear réitigh theicneolaíochta, shóisialta agus neamhtheicneolaíochta, cineálacha cur chuige eagraíochta agus múnlaí nua gnó a lánpháirtíú;"

- (e) cuirtear isteach na pointí seo a leanas:
- "(i) áiríteoidh sí go mbeidh comhlántacht agus sineirgíocht ann idir gníomhaíochtaí EIT agus cláir eile de chuid an Aontais, i gcás inarb iomchuí;
- (j) cuirfidh sí PENanna chun cinn mar chomhpháirtithe nuálaíochta den scoth laistigh den Aontas agus lasmuigh de;
- (k) bunóidh sí Fóram na nGeallsealbhóirí le heolas a chur in iúl maidir le gníomhaíochtaí EIT, a taithí, a cleachtais is fearr agus a rannchuidiú le beartais agus cuspóirí an Aontais i leith nuálaíochta, taighde agus oideachais agus chun a cheadú do gheallsealbhóirí a ndearcthaí a chur in iúl. Tionólfar cruinniú d'Fhóram na nGeallsealbhóirí uair sa bhliain ar a laghad. Tiocfaidh ionadaithe na mBallstát le chéile i gcumraíocht speisialta, laistigh de chruinniú d'Fhóram na nGeallsealbhóirí, chun cumarsáid iomchuí agus sreabhadh faisnéise le EIT a áirithiú, agus chun go gcuirfear ar an eolas iad maidir lena bhfuil bainte amach, chun comhairle a chur ar fáil do EIT agus do PENanna, agus chun eispéiris a roinnt leo. Déanfaidh an chumraíocht speisialta d'ionadaithe na mBallstát laistigh d'Fhóram na nGeallsealbhóirí a áirithiú go mbeidh sineirgí agus comhlántachtaí iomchuí idir gníomhaíochtaí EIT agus gníomhaíochtaí PEN agus na cláir náisiúnta agus na tionscnaimh náisiúnta, lena n-áirítear an cómhaoiniú náisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le gníomhaíochtaí PEN."
- (5) Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:
- (a) leasaítear mír 1 mar a leanas:
- (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (b):
- "(b) taighde ceannródaíoch agus nuálaíocht-tiomáinte i réimsí ríthábhachtacha ó thaobh an gheilleagair agus na sochaí de, a tharraingíonn ar thorthaí taighde Eorpaigh agus náisiúnta, agus a d'fhéadfadh iomaíochas na hEorpa a neartú ar an leibhéal idirnáisiúnta agus réitigh ar na mórdhúshláin a gcaithfidh sochaí na hEorpa aghaidh a thabhairt orthu a fháil;"
- (ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (c):
- "(c) gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna ar leibhéal máistreacht agus dochtúireachta, chomh maith le cúrsaí oiliúna gairmiúla, i ndisciplíní a bhfuil sé de chumas iontu riachtanais shocheacnamaíoch na hEorpa sa todhchá a shásamh, agus a dhéanann bonn sárchumais an Aontais a leathnú amach, agus a chothaíonn forbairt scileanna a bhaineann le nuálaíocht, feabhsú scileanna bainistíochta agus fiontraíochta agus soghluaisteacht taighdeoirí agus mac léinn, agus comhroinnt eolais, meantóireacht agus líonrú i measc faighteoirí céimeanna agus oiliúna a bhfuil lipéad EIT ag gabháil leo a chothú;"
- (iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (d):
- "(d) gníomhaíochtaí for-rochtana agus scaipeadh na gcleachtais is fearr in earnáil na nuálaíochta agus béim ar fhorbairt an chomhair idir earnálacha an ardoideachais, an taighde agus an ghnó, lena n-áirítear na hearnálacha seirbhíse agus airgeadais;"
- (iv) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:
- "(e) sineirgí agus comhlántachtaí a lorg idir gníomhaíochtaí PEN agus cláir Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha atá ann cheana, i gcás inarb iomchuí;"
- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:
- "2. Beidh uathriail shubstaintiúil fhoriomlán ag PENanna chun a n-eagraíocht inmheánach agus a gcomhdhéanamh a shainiú, mar aon lena gcláir oibre bheachta agus lena modhanna oibre beachta. Déanfaidh PENanna, go háirithe, an méid seo a leanas:
- (a) socruithe rialachais a bhunú a thugann léargas ar an triantán eolais arb éard atá ann an t-ardoideachas, an taighde agus an nuálaíocht;
- (b) a bheith d'aidhm acu a bheith ar oscailt do chomhaltaí nua i gcás inar luach breise don chomhpháirtíocht iad na comhaltaí seo.
- (c) feidhmiú ar bhealach oscailte agus trédhearcach, i gcomhréir lena rialacha inmheánacha;
- (d) pleananna gnó a bhunú lena ngabhfaidh cuspóirí agus príomhtháscairí feidhmíochta;
- (e) straitéisí le haghaidh inbhuanaitheachta airgeadais a bhunú."
- (6) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:
- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
- "1. Roghnóidh agus ainmneoidh EIT comhpháirtíocht le bheith ina PEN de réir nós imeachta iomaíoch, oscailte agus trédhearcach a bheith ann. Glacfaidh agus foilseoidh EIT critéir mhionsonraithe chun PENanna a roghnú, bunaithe ar phrionsabail an fheabhais agus ábharthacht na nuálaíochta. Beidh saineolaithe seachtracha agus neamhspleácha rannpháirteach sa phróiseas roghnúcháin;"
- (b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:
- "1a. Seolfaidh EIT roghnú agus ainmniú PENanna de réir na réimsí tosaíochta agus an sceidil ama a shainítear in COSN;"

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. I gcomhréir leis na prionsabail a chumhdaítear i mír 1, áireofar, inter alia, na nithe seo a leanas sa chritéir roghnúcháin maidir le PEN a ainmniú:

- (a) an cumas nuálaíochta reatha agus an cumas nuálaíochta ionchasach, lena n-áirítear fiontraíocht, laistigh den chomhpháirtíocht, maille lena feabhas san ardoideachas, sa taighde agus sa nuálaíocht;
- (b) cumas na comhpháirtíochta spriocanna COSN a bhaint amach agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le cuspóir ginearálta agus tosaíochtaí ginearálta "Fís 2020";
- (c) an cur chuige ildisciplíneach maidir le nuálaíocht, lena n-áirítear réitigh theicneolaíochta, shóisialta agus neamhtheicneolaíochta a lánpháirtiú;
- (d) cumas na comhpháirtíochta maoiniú inbhuanaithe, fadtéarmach agus féinchothaitheach a áirithiú lena n-áirítear ranníocaíocht shubstaintiúil agus mhéadaitheach ón earnáil phríobháideach, ón tionscal agus ó sheirbhísí;
- (e) rannpháirtíocht atá cothromúil go hiomchuí i gcomhpháirtíocht eagraíochtaí atá gníomhach i dtriantán eolais an ardoideachais, an taighde agus na nuálaíochta;
- (f) go dtaispeánfar go bhfuil plean ann chun maoin intleachtúil a bhainistiú a bheidh oiriúnach don earnáil lena mbaineann, lena n-áirítear an tslí inar cuireadh an rannchuidiú ó na heagraíochtaí comhpháirtíochta éagsúla san áireamh;
- (g) bearta a thabharfaidh tacaíocht do rannpháirteachas na hearnála príobháidí agus do chomhoibriú léi, lena n-áirítear an earnáil airgeadais agus FBManna go háirithe, maille le tacaíocht a thabhairt do chruthú gnólaigh nuathionscanta, gnólaigh seachthairbheacha agus FBManna, d'fhonn torthaí ghníomhaíochtaí PENanna a shaothrú ar bhonn tráchtála;
- (h) a thoilteanaí atá sé bearta nithiúla a bhunú chun idirghníomhú leis an bpobal agus leis na tríú hearnálacha, mar is iomchuí.
- (i) a thoilteanaí atá sé idirghníomhú le heagraíochtaí agus le líonraí eile lasmuigh de PEN d'fhonn na cleachtais is fearr agus ardchaighdeán feabhais a roinnt;
- (j) a thoilteanaí atá sé tograí nithiúla a bhunú le haghaidh sineirgí le tionscnaimh eile de chuid an Aontais agus tionscnaimh ábhartha eile.;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. An t-íoschoinníoll a chuirtear le PEN a bhunú go mbeidh ar a laghad trí eagraíocht chomhpháirtíochta rannpháirteach ann, a bheidh bunaithe i dtír Bhallstát éagsúla ar a laghad. Caithfidh gach eagraíocht chomhpháirtíochta den sórt sin a bheith neamhspleách ar a chéile, de réir bhrí Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*)

(*) Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh i "Fís 2020 - an Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020)" agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1906/2006 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 81).";

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. I dteannta an choinníll a leagtar amach i mír 3, beidh dhá thrian ar a laghad de na heagraíochtaí comhpháirtíochta a bhunaíonn PEN bunaithe sna Ballstáit. Beidh institiúid ardoideachais amháin agus cuideachta phríobháideach amháin ar a laghad ina gcuid de gach PEN.;"

(f) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"5. Maidir leis na critéir agus na nósanna imeachta chun gníomhaíochtaí PENanna a mhaoiniú agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu, glacfaidh agus foilseoidh EIT iad sula seolfar an nós imeachta roghnúcháin le haghaidh PENanna nua. Déanfar an chumraíocht speisialta d'ionadaithe na mBallstát laistigh d'Fhóram na nGeallsealbhóirí a chur ar an eolas go pras fúthu."

(7) Cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

"Airteagal 7a

Prionsabail maidir le meastóireacht agus faireachán a dhéanamh ar PENanna

Déanfaidh EIT, ar bhonn príomhtháscairí feidhmíochta a leagtar amach, inter alia, i Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 agus in COSN, agus i gcomhar leis an gCoimisiún, faireachán leanúnach agus meastóireachtaí seachtracha tráthrialta ar aschur, ar thorthaí agus ar thionchar gach PEN a eagrú. Tabharfar tuarascáil maidir le torthaí faireacháin agus meastóireachtaí den sórt sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle agus déanfar iad a phoiblíú.

Airteagal 7b

Ré PEN, leanúint le PEN agus críoch a chur le PEN

1. Faoi réir fhothorthaí an faireacháin leanúnaigh agus na meastóireachtaí tráthrialta agus faoi réir saintréithe réimsí ar leith, creat ama idir seacht mbliana agus cúig bliana déag a bheidh ag PEN de ghnáth.

2. Féadfaidh EIT creat-chomhaontú comhpháirtíochta a bhunú le PEN le haghaidh tréimhse tosaigh seacht mbliana.

3. Féadfaidh an Bord Rialaithe cinneadh a dhéanamh fad a chur leis an gcreat-chomhaontú comhpháirtíochta le PEN ar feadh tréimhse níos faide ná an tréimhse a socraíodh i dtús báire, laistigh de theorainneacha an imchlúdaigh airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 19, más sin an bealach is iomchuí chun cuspóirí EIT a bhaint amach.

4. I gcás ina n-aimseoidh meastóireachtaí ar PEN torthaí nach bhfuil leordhóthanach, glacfaidh an Bord Rialaithe bearta iomchuí, lena n-áirítear an tacaíocht airgeadais atá aige a laghdú, a mhodhnú nó a tharraingt siar nó deireadh a chur leis an gcomhaontú."

(8) In Airteagal 8(2), cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

"(aa) na cleachtais is fearr a scaipeadh maidir le saincheisteanna cothrománacha;"

(9) Scriostar Airteagal 10.

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13(2):

"2. Poibleoidh EIT a rialacha nós imeachta, a sainrialacha airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 21(1) agus na critéir mhionsonraithe chun PENanna a roghnú dá dtagraítear in Airteagal 7 sula ndéanfar glaonna ar thograí chun na PENanna a roghnú a eisiúint."

(11) Leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Maoineofar PENanna ó na foinsí seo a leanas, go háirithe:

- (a) ranníocaíochtaí ó eagraíochtaí comhpháirtíochta, a bheidh ina bhfoinse shubstaintiúil maoinithe;
- (b) ranníocaíochtaí deonacha ó na Ballstáit, ó thríú tíortha nó ó údarais phoiblí laistigh díobh sin;
- (c) ranníocaíochtaí ó chomhlachtaí idirnáisiúnta nó ó institiúidí idirnáisiúnta;
- (d) ioncam a ghintear trí shócmhainní dílse agus trí ghníomhaíochtaí dílse PENanna agus trí ríchíosanna ó chearta maoine intleachtúla;
- (e) dearlaicí caipitil, lena n-áirítear na cinn sin atá á mbainistiú ag Fondúireacht EIT;
- (f) tiomnachtaí, deonacháin agus ranníocaíochtaí ó dhaoine aonair, ó institiúidí, ó fhondúireachtaí nó ó aon chomhlachtaí náisiúnta eile;
- (g) an ranníocaíocht ó EIT;
- (h) ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear iad sin arna maoiniú ó bhuiséad gearrálta an Aontais.

D'fhéadfaidh ranníocaíochtaí comhchineáil a bheith san áireamh le ranníocaíochtaí."

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Féadfar suas le 100 % de chostais incháilithe iomlána ghníomhaíochtaí breisluaacha PEN a chumhdach le ranníocaíocht EIT le PENanna."

(c) cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

"6. Ní rachaidh ranníocaíocht EIT, ar an meán, thar 25 % de mhaoiniú iomlán PEN.

7. Bunóidh EIT sásra athbhreithnithe iomaíoch chun cion iomchuí dá ranníocaíocht airgeadais a leithdháileadh ar PENanna. Áireofar leis measúnú phleananna gnó agus fheidhmíocht PENanna mar a thomhaistear iad trí fhaireachán leanúnach."

(12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15:

"Airteagal 15

Clárú agus tuairisciú

1. Glacfaidh EIT clár saothair rollach tríbhliantúil, a bheidh bunaithe ar COSN, a luaithe a ghlacfar é, lena mbeidh ráiteas maidir le mórtionsaíochtaí agus le mórtionscnamh bheartaithe EIT agus PENanna, lena n-áirítear meastachán ar riachtanais mhaoinithe agus ar fhoinsí maoinithe. Beidh táscairí iomchuí ann freisin chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí PENanna agus EIT, agus úsáid á baint as cur chuige dírithe ar thorthaí. Cuirfidh EIT an réamhchlár saothair rollach tríbhliantúil faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig den bhliain a chríochnaíonn dhá bhliain roimh theacht i bhfeidhm an chláir saothair rollaigh tríbhliantúil i dtrácht (bliain N - 2).

Tabharfaidh an Coimisiún tuairim i leith chuspóirí sonracha EIT mar a shainítear in "Fís 2020" agus a chomhlántachtaí le beartais agus le hionstraimí an Aontais laistigh de thrí mhí tar éis tíolacadh an chláir oibre. Tabharfaidh EIT aird chuí ar thuairim an Choimisiúin, agus i gcás easaontais tabharfaidh sé údar maith lena seasamh féin. Tarchuirfidh EIT an clár saothair deiridh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiúin, mar eolas. Arna iarraidh sin, cuirfidh an Stiúrthóir an clár oibre deiridh faoi bhráid an choiste fhreagraigh de chuid Pharlaimint na hEorpa;

2. Glacfaidh EIT tuarascáil bhliantúil faoin 30 Meitheamh gach bliain. Leagfar amach sa tuarascáil na gníomhaíochtaí a reáchtáil EIT agus PENanna i gcaitheamh na bliana roimhe sin agus déanfar na torthaí a mheasúnú inti maidir leis na cuspóirí, leis na táscairí agus leis an amchlár a socraíodh, leis na rioscaí a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích, le húsáid acmhainní agus le hoibriú gearrálta EIT. Tarchuirfidh EIT an tuarascáil bhliantúil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle agus cuirfidh sí iad ar an eolas uair amháin sa bhliain ar a laghad faoi ghníomhaíochtaí EIT, faoina rannchuidiú le "Fís 2020" agus le beartais agus cuspóirí an Aontais i leith nuálaíochta, taighde agus oideachais."

(13) Leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

- (a) i mír 2, cuirtear an focal "trí" in ionad an fhocail "cúig";
- (b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"2a. Féadfaidh an Coimisiún tabhairt faoi bhreis meastóireachtaí ar théamaí nó ar ábhair atá ábhartha go straitéiseach, le cúnaimh ó shaineolaithe neamhspleácha, chun scrúdú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag EIT i dtreo na gcuspóirí a leagtar síos, chun na fachtóirí a chuireann le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a shainaithint agus chun na cleachtais is fearr a shainaithint. Agus an méid sin á dhéanamh aige, déanfaidh an Coimisiún an tionchar riaracháin ar EIT agus ar PENanna a bhreithniú go hiomlán."

(14) Leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Sainmhíneoidh COSN na réimsí tosaíochta agus an straitéis fhadtéarmach do EIT ina gcuimseofar measúnú ar a tionchar socheacnamaíoch agus ar a cumas an breisluach nuálaíochta is fearr a ghineadh. Cuirfidh COSN torthaí an fhaireacháin agus na meastóireachta ar EIT dá dtagraítear in Airteagal 16 san áireamh chomh maith."

- (b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"2a. Áireofar le COSN anailís ar na sineirgí agus na comhlántachtaí iomchuí agus ar na sineirgí agus na comhlántachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann idir gníomhaíochtaí EIT agus tionscnaimh, ionstraimí agus cláir eile de chuid an Aontais."

- (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Ag gníomhú dóibh ar thogra ón gCoimisiún, glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle COSN i gcomhréir le hAirteagal 173(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh."

(15) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19:

"Airteagal 19

Gealltanais bhuiséadacha

1. Déantar leis seo an t-imchlúdach airgeadais ó "Fís 2020" chun an Rialachán seo a chur chun feidhme don tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020 a shocrú mar EUR 2 711,4 milliún i bpraghsanna reatha.

2. Is é a bheidh sa mhéid sin ná an phríomhthagairt do Parlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh, de réir bhrí phointe 17 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir

Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais (*).

3. Údaróidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na leithreasuithe bliantúla faoi theorainn an chreata airgeadais. Soláthrófar ranníocaíocht airgeadais EIT le PENanna faoin imchlúdach airgeadais.

(*) IO C 373, 20.12.2013, lch. 1."

(16) Leasaítear Airteagal 20 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Glacfaidh an Bord Rialaithe an dréachtmheastachán, a mbeidh dréachtphlean bunaíochta, agus an réamhchlár saothair rollach tríbhliantúil ag gabháil leis, agus cuirtear ar aghaidh chuig an gCoimisiún iad faoin 31 Nollaig de bhliain N - 2."

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

"6. Ar bhonn an mheastacháin sin, cuirfidh an Coimisiún na meastacháin a mheasfaidh sé a bheith riachtanach do mhéid an fhóirdheontais a bheidh le gearradh ar an mbuiséad ginearálta isteach i ndrúchtbhuiséad ginearálta an Aontais."

(17) Leasaítear Airteagal 21 mar a leanas

- (a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"1a. Cuirtear an ranníocaíocht airgeadais le EIT chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 agus le Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013."

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Ar mholadh ón gComhairle, tabharfaidh Parlaimint na hEorpa urscaoileadh i leith bhliain N don Stiúrthóir maidir le cur chun feidhme bhuiséad EIT roimh 15 Bealtaine de bhliain N + 2."

(18) Scriostar Airteagal 22(4).

(19) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"Airteagal 22a

Foirceannadh EIT

I gcás ina ndéanfar EIT a fhoirceannadh, déanfar í a leachtú faoi mhaoirseacht an Choimisiúin i gcomhréir leis na dlíthe is infheidhme. Is iad na comhaontuithe le PENanna agus an ionstraim lena mbunaítear Fondúireacht EIT a leagfaidh síos na forálacha iomchuí i gcás den sórt sin."

Airteagal 2

Cuirfear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 294/2008.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2014.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 11 Nollaig 2013.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
V. LEŠKEVIČIUS

IARSCRÍBHINN

Reachtanna na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht

ROINN 1

COMHDHÉANAMH AN BHOIRD RIALAITHE

1. Beidh comhaltaí ceaptha agus comhaltaí ionadaíocha araon ar an mBord Rialaithe.
2. Beidh 12 chomhalta cheaptha ann, arna gceapadh ag an gCoimisiún, lena soláthrófar cothromaíocht idir iad siúd a bhfuil taithí acu ar ghnó, ar an ardoideachas agus ar thaighde. Téarma oifige ceithre bliana nach bhféadfar a athnuachan a bheidh acu.

Nuair is gá, cuirfidh an Bord Rialaithe togra faoi bhráid an Choimisiúin maidir le comhalta/comhaltaí nua a cheapadh. Roghnófar an t-iarrthóir/na hiarrthóirí ar bhonn toraidh níos imeachta thrédhearcaigh agus oscailte, lena ngabhann comhairliúchán le geallsealbhoirí.

Tabharfaidh an Coimisiún aird ar an gcothromaíocht idir taithí ar an ardoideachas, ar thaighde, ar nuálaíocht agus ar ghnó agus ar chothromaíocht inscne agus gheografach agus ar thuiscint ar an timpeallacht ardoideachais, taighde agus nuálaíochta ar fud an Aontais.

Ceapfaidh an Coimisiún an comhalta/na comhaltaí agus cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas maidir leis an bpróiseas roghnúcháin agus maidir le ceapachán deiridh comhaltaí sin an Bhoird Rialaithe.

I gcás nach mbeidh ar chumas comhalta ceaptha a théarma oifige a chríochnú, ceapfar comhalta ionadaíoch tríd an nós imeachta céanna a úsáideadh chun an comhalta éagumasaithe a cheapadh, d'fhonn téarma oifige an chomhalta sin a chríochnú. Féadfaidh an Coimisiún comhalta ionadaíoch, a bhfuil téarma oifige níos lú ná dhá bhliain curtha isteach acu, a athcheapadh le haghaidh tréimhse ceithre bliana breise ar iarratas ón mBord Rialaithe.

Le linn idirthréimhse, déanfaidh na comhaltaí Boird a ceapadh ar feadh tréimhse sé bliana ar dtús a gcuid téarmaí oifige a chomhlíonadh. Go dtí an t-am sin, beidh 18 gcomhalta cheaptha ann. Laistigh de shé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, roghnóidh an Bord Rialaithe, le formheas an Choimisiúin, aon trian den dárág comhaltaí a cheapfar in 2012 chun téarma oifige dhá bhliain a chur isteach, agus roghnóidh sé aon trian le haghaidh tréimhse ceithre bliana agus aon trian le haghaidh tréimhse sé bliana.

In imthosca eisceachtúla agus bonn cirt cuí leo, chun iontaofacht an Bhoird Rialaithe a choinneáil, féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, téarma oifige comhalta den Bhoird a fhoirceannadh.

3. Toghfaidh PENanna triúr comhaltaí ionadaíocha óna n-eagraíochtaí comhpháirtíochta. Téarma oifige dhá bhliain ar féidir é a athnuachan uair amháin a bheidh acu. Beidh deireadh lena dtéarma oifige má fhágann siad PEN.

Is é an Bord Rialaithe a ghlacfaidh na coinneíollacha agus na nósanna imeachta chun comhaltaí ionadaíocha a thoghadh agus chun comhaltaí eile a chur ina n-ionad ar bhonn togra ón Stiúrthóir. Leis an sásra seo, áireofar go ndéanfar ionadaíocht iomchuí ar an éagsúlacht agus cuirfear éabhlóid PENanna san áireamh.

Le linn idirthréimhse, déanfaidh na comhaltaí ionadaíocha a thoghadh ar feadh tréimhse trí bliana ar dtús a gcuid téarmaí oifige a chomhlíonadh. Go dtí an t-am sin, beidh ceathrar comhaltaí ionadaíocha ann.

4. Gníomhóidh comhaltaí an Bhoird Rialaithe chun leasa EIT, agus cosnóidh siad a spriocanna, a misean, a céannacht, a huathriail agus a comhsheasmhacht ar bhealach neamhspleách agus trédhearcach.

ROINN 2

FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD RIALAITHE

Déanfaidh an Bord Rialaithe na cinntí straitéiseacha is gá, go háirithe:

- (a) dréacht-Chlár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht (COSN), clár saothair rollach tríbhliantúil, buiséad, cuntais bhliantúla agus clár comhardaithe agus tuarascáil bhliantúil gníomhaíochta EIT a ghlacadh, ar bhonn togra ón Stiúrthóir;
- (b) critéir agus nósanna imeachta a ghlacadh chun gníomhaíochtaí PENanna a mhaoiniú, agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu, ar bhonn togra ón Stiúrthóir;
- (c) an nós imeachta roghnúcháin maidir le PENanna a ghlacadh;

- (d) comhpháirtíocht a roghnú agus a ainmniú mar PEN nó ainmniúchán a tharraingt siar i gcás inarb iomchuí;
- (e) an mheastóireacht leanúnach ar ghníomhaíochtaí PENanna a áirithiú;
- (f) a rialacha nós imeachta a ghlacadh, rialacha nós imeachta maidir leis an gCoiste Feidhmiúcháin, chomh maith le rialacha sonracha airgeadais EIT;
- (g) táillí cuí do chomhaltaí an Bhoird Rialaithe agus do chomhaltaí an Choiste Feidhmiúcháin a shainiú, trí chomhaontú leis an gCoimisiún; déanfar táillí den sórt sin a thagarmharcáil i gcoinne luacha saothair chomhchosúil sna Ballstáit;
- (h) nós imeachta a ghlacadh chun an Coiste Feidhmiúcháin agus an Stiúrthóir a roghnú;
- (i) an Stiúrthóir a cheapadh agus, más gá, an Stiúrthóir a bhriseadh as a phost nó as a post, agus údarás araíonachta a fheidhmiú air nó uirthi;
- (j) an tOifigeach Cuntasaíochta agus comhaltaí an Choiste Feidhmiúcháin a cheapadh;
- (k) cód dea-iompair a ghlacadh maidir le coinbhleachtaí leasa;
- (l) grúpaí comhairleacha a bhunú, i gcás inarb iomchuí, a bhféadfaidh ré shainithe a bheith acu;
- (m) Feidhm Iniúchóireachta Inmheánach a bhunú i gcomhréir le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2343/2002 ón gCoimisiún ⁽¹⁾;
- (n) beidh sé de chumhacht aige Fondúireacht a bhunú, a mbeidh sé de shainchuspóir aici gníomhaíochtaí EIT a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dóibh;
- (o) cinneadh maidir le beartas teanga EIT, agus prionsabail atá ann cheana maidir le hilteangachas agus riachtanais phraiticiúla a cuid oibríochtaí á gcur san áireamh;
- (p) EIT a chur chun cinn ar fud an domhain, d'fhonn a meallacht a mhéadú agus comhlacht den chéad scoth a dhéanamh di maidir le hardchaighdeán feabhais san ardoideachas, sa taighde agus sa nuálaíocht.

ROINN 3

FEIDHMIÚ AN BHOIRD RIALAITHE

1. Toghfaidh an Bord Rialaithe a Chathaoirleach as líon na gcomhaltaí ceaptha. Dhá bhliain a mhairfidh téarma oifige an Chathaoirligh agus féadfar an téarma oifige a athnuachan aon uair amháin.
2. Gan dochar do mhír 3, déanfaidh an Bord Rialaithe cinntí a ghlacadh trí thromlach simplí dá chomhaltaí a bhfuil ceart vótála acu.

Éileoidh cinntí faoi phointí (a), (b), (c), (i) agus (o) de Roinn 2, agus faoi mhír 1 den Roinn seo tromlach dhá thrian dá chomhaltaí a bhfuil ceart vótála acu, áfach.
3. Ní fhéadfaidh na comhaltaí ionadaíochta vóta a chaitheamh ar chinntí faoi phointí (b), (c), (d), (e), (f), (g), (i), (j), (k), (o) agus (p) de Roinn 2..
4. Tiocfaidh an Bord Rialaithe le chéile i ngnáthsheisiún trí huair in aghaidh na bliana ar a laghad, agus tiocfaidh sé le chéile i seisiún urghnách nuair a thionólfaidh an Cathaoirleach é sin nó ar iarratas ó aon trian dá chomhaltaí uile ar a laghad.
5. Beidh an Coiste Feidhmiúcháin de chúnamh ag an mBord Rialaithe. Triúr comhaltaí ceaptha a bheidh ar an gCoiste Feidhmiúcháin agus Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe a bheidh ina Chathaoirleach ar an gCoiste Feidhmiúcháin chomh maith. Roghnóidh an Bord Rialaithe an triúr comhaltaí eile seachas an Cathaoirleach as líon chomhaltaí ceaptha an Bhoird Rialaithe. Féadfaidh an Bord Rialaithe cúraimí sonracha a tharmligean chuig an gCoiste Feidhmiúcháin.

ROINN 4

AN STIÚRTHÓIR

1. Duine a bheidh sa Stiúrthóir a bhfuil saineolas aige agus ardcháil air sna réimsí ina bhfeidhmíonn EIT. Ceapfaidh an Bord Rialaithe an Stiúrthóir ar feadh téarma oifige ceithre bliana. Féadfaidh an Bord Rialaithe síneadh ama ceithre bliana a chur leis an téarma oifige sin aon uair amháin má mheasann sé gur le leas EIT é déanamh amhlaidh.

⁽¹⁾ Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2343/2002 ón gCoimisiún an 23 Nollaig 2002 maidir leis an gcreat-Rialachán Airgeadais do na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 185 de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach (IO L 357, 31.12.2002, lch. 72).

2. Beidh an Stiúrthóir freagrach as oibríochtaí agus as EIT a bhainistiú ó lá go lá agus is é an Stiúrthóir a bheidh ina ionadaí dlíthiúil uirthi. Beidh an Stiúrthóir freagrach don Bhord Rialaithe agus tuairisceoidh sé dó ar bhonn leanúnach maidir le forbairt gníomhaíochtaí EIT.
3. Déanfaidh an Stiúrthóir an méid seo a leanas, go háirithe:
 - (a) gníomhaíochtaí EIT a eagrú agus a bhainistiú;
 - (b) tacaíocht a thabhairt don Bhord Rialaithe agus don Choiste Feidhmiúcháin ina gcuid oibre, an rúnaíocht a chur ar fáil dá gcruinnithe agus gach faisnéis is gá a sholáthar chun go bhféadfaidh siad a ndualgais a chur i gcrích;
 - (c) dréacht-COSN, réamhchlár saothair rollach tríbhliantúil, an dréacht-thuarascáil bhliantúil agus an dréachtbhuiséad bliantúil a ullmhú d'fhonn iad a chur faoi bhráid an Bhoird Rialaithe;
 - (d) an nós imeachta roghnúcháin le haghaidh PENanna a ullmhú agus a riaradh agus a áirithiú go gcuirfear na céimeanna éagsúla den phróiseas sin i bhfeidhm ar bhealach trédhearcach agus oibiachtúil;
 - (e) comhaontuithe conarthacha le PENanna a ullmhú, a chaibidlíú agus a thabhairt i gcrích;
 - (f) Fóram na nGeallsealbhóirí a eagrú, lena n-áirítear an chumraíocht speisialta d'ionadaithe na mBallstát;
 - (g) a áirithiú go gcuirfear nósanna imeachta éifeachtúla faireacháin agus meastóireachta maidir le feidhmiú EIT chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 16 den Rialachán seo;
 - (h) beidh an Stiúrthóir freagrach as cúrsaí riaracháin agus airgeadais, lena n-áirítear buiséad EIT a chur chun feidhme, agus aird iomchuí á tabhairt ar an gcomhairle a gheofar ón bhFeidhm Iniúcháireachta Inmheánach;
 - (i) beidh an Stiúrthóir freagrach as cúrsaí uile na foirne;
 - (j) na dréachtchuntais bhliantúla agus an clár comhardaithe a chur faoi bhráid na Feidhme Iniúcháireachta Inmheánaí agus ina dhiaidh sin faoi bhráid an Bhoird Rialaithe, tríd an gCoiste Feidhmiúcháin;
 - (k) a áirithiú go gcomhlíonfar oibleagáidí EIT maidir leis na conarthaí agus na comhaontuithe atá tugtha i gcrích aici.
 - (l) cumarsáid éifeachtach a áirithiú le hinstiúidí an Aontais;
 - (m) gníomhóidh an Stiúrthóir chun leasa EIT, agus a spriocanna agus a misean, a céannacht a huathriail agus a comhsheasmhacht a choimirciú ar bhealach neamhspleách agus trédhearcach.

ROINN 5

FOIREANN EIT

1. Is é a bheidh i bhfoireann EIT comhaltaí foirne a bheidh fostaithe go díreach ag EIT faoi chonarthaí ar théarma seasta. Beidh feidhm ag coiníollacha fostaíochta sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh maidir leis an Stiúrthóir agus maidir le foireann EIT.
2. Féadfar saineolaithe a thabhairt ar iasacht do EIT ar feadh tréimhse teoranta. Glacfaidh an Bord Rialaithe forálacha lena gcuirfear ar chumas saineolaithe a bheidh ar iasacht obair a dhéanamh in EIT agus lena saineofar cearta agus freagrachtaí na saineolaithe sin.
3. Feidhmeoidh EIT, i leith a foirne féin, na cumhachtaí arna dtarmhligean chuig an údarás arna údarú chun na conarthaí lena foireann a chur i gcrích.
4. Féadfar a cheangal ar chomhalta foirne aon damáiste a fhulaingeoidh EIT a shlánú go hiomlán nó go páirteach, i gcás inar damáiste é a rinneadh de thoradh mí-iompair thromchúisigh uaidh nó uaithi i bhfeidhmiú a dhualgas nó a dualgas nó a bhain le feidhmiú a dhualgas nó a dualgas.

**RIALACHÁN (AE) Uimh. 1293/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 11 Nollaig 2013**

**maidir le Clár don Chomhshaoil agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE) a bhunú agus lena
n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 614/2007**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá beartas comhshaoil agus aeráide agus reachtaíocht chomhshaoil agus aeráide an Aontais tar éis feabhsuithe substaintiúla a chur ar staid an chomhshaoil. Mar sin féin, tá mórdhúshlán chomhshaoil agus aeráide fós ann, agus mura rachfar i ngleic leo beidh iarmhairtí suntasacha i ndán don Aontas.
- (2) Ba cheart dul i ngleic na ndúshlán comhshaoil agus aeráide sin, i ngeall ar a méid agus a gcastacht, a chistiú go príomha trí mhórchláir chistiúcháin de chuid an Aontais. Ina Theachtaireacht an 29 Meitheamh 2011 dar teideal "Buiséad don Eoraip 2020" inar aithníodh dúshlán an athraithe aeráide, luaigh an Coimisiún go bhfuil sé beartaithe aige an cion de bhuiséad an Aontais a bhaineann leis an aeráid a mhéadú go dtí 20 % ar a laghad le ranníocaíochtaí ó bheartais éagsúla. Ba cheart go rannchuideodh an Rialachán seo leis an sprioc sin a bhaint amach.
- (3) Ní féidir dul i ngleic leis na riachtanais shonracha uile maidir leis an gcomhshaoil agus le gníomhú ar son na haeráide sna cláir chistiúcháin sin de chuid an Aontais. Maidir leis an gcomhshaoil agus le gníomhú ar son na haeráide, tá gá le cineálacha sonracha cur chuige chun

déileáil le comhtháthú míchothrom a gcuspóirí i gcleachtais na mBallstát, le cur chun feidhme míchothrom agus neamhleor na reachtaíochta sna Ballstáit, agus le scaipeadh neamhdhóthanach faisnéise faoi spriocanna beartais agus cur chun cinn neamhdhóthanach spriocanna beartais. Is iomchuí beart leantach a sholáthar don chlár a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 614/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ agus Rialachán nua a ghlacadh. Dá bhrí sin, ba cheart go mbunófaí leis an Rialachán seo Clár cistiúcháin tiomnaithe don Chomhshaoil agus do Ghníomhú ar son na hAeráide ("Clár LIFE"). Ionas go mbainfear amach tionchar substaintiúil le cistiúchán an Aontais, ba cheart dlúthshineirgí agus comhlántacht a fhorbairt idir Clár LIFE agus cláir chistiúcháin eile de chuid an Aontais.

- (4) Tá sócmhainní comhshaoil leithdháilte go míchothrom ar fud an Aontais, ach baineann a dtairbhí leis an Aontas ina iomláine agus téann a dtairbhí i gcion ar an Aontas ina iomláine. I bhfianaise oibleagáid an Aontais na sócmhainní sin a chosaint, tá gá le cur i bhfeidhm comhsheasmhach phrionsabail na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte freagrachta, lena gceanglaítear go dtugtar aghaidh ar roinnt fadhbanna comhshaoil agus aeráide san Aontas ar bhealach níos fearr ar an leibhéal réigiúnach nó áitiúil. Ó 1992, tá ról fíor-riachtanach ag cláir LIFE maidir le dáileadh níos fearr na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte freagrachta chun leas coiteann chomhshaoil an Aontais agus na haeráide a chaomhnú. Ba cheart go leanfadh Clár LIFE den ról seo a bheith aige.
- (5) I bhfianaise a shaintréithe agus a mhéide, ní féidir le Clár LIFE gach fadhb chomhshaoil agus aeráide a réiteach. Ina ionad sin, ba cheart go mbeadh sé ina phríomhchuspóir aige gníomhú mar chatalaíoch maidir le hathruithe i bhforbairt agus i gcur chun cinn beartas trí réitigh agus na cleachtais is fearr a sholáthar agus a scaipeadh chun spriocanna maidir leis an gcomhshaoil agus leis an aeráid a bhaint amach agus trí theicneolaíochtaí nuálacha a bhaineann leis an gcomhshaoil agus leis an athrú aeráide a chur chun cinn. Sa mhéid sin, ba cheart do Chlár LIFE tacú le cur chun feidhme Chlár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2020 dar teideal "Muid ag maireachtáil go maith, faoi shrianta ár bpláinéid" mar a bunaíodh le Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ ("7ú Chlár Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais").

⁽¹⁾ IO C 191, 29.6.2012, lch. 111.

⁽²⁾ IO C 277, 13.9.2012, lch. 61.

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Samhain 2013 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 5 Nollaig 2013.

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 614/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Bealtaine 2007 maidir leis an Ionstraim Airgeadais don Chomhshaoil (LIFE+) (IO L 149, 9.6.2007, lch. 1).

⁽⁵⁾ Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2020 dar teideal "Muid ag maireachtáil go maith, faoi shrianta ár bpláinéid"

- (6) Leagtar síos leis an Rialachán seo imchládach airgeadais de EUR 3 456,655 milliún i bpraghsanna reatha, rud is fiú 0,318 % de mhéid iomlán na leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí dá dtagraítear i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ⁽¹⁾, do thréimhse iomlán Chlár LIFE arb éard a bheidh ann an tsuim phríomhthagartha, de réir bhrí Phointe 17 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar i gcúrsaí buiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais ⁽²⁾, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.
- (7) I gcomhréir le conclúidí na Comhairle Eorpaí i Lucsamburg i Nollaig 1997, agus na Comhairle Eorpaí in Thessaloniki i Meitheamh 2003, ba cheart go mbeadh na tíortha is iarrthóirí agus tíortha na mBalcán Thiar atá rannpháirteach sa Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais, mar aon le tíortha lena mbaineann Beartas Comharsanachta na hEorpa, incháilithe chun a bheith rannpháirteach i gclár an Aontais, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sna comhaontuithe ábhartha déthaobhacha nó iltaobhacha arna gcur i gcrích leis na tíortha sin.
- (8) De bhun Chinneadh 2001/822/CE ón gComhairle ⁽³⁾ (an Cinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear), tá daoine aonair ó thír nó ó chríoch thar lear (TCTL) agus, i gcás inarb infheidhme, na comhlachtaí ábhartha poiblí agus/nó príobháideacha agus institiúidí in TCTL incháilithe chun páirt a ghlacadh i gclár an Aontais, faoi réir rialacha agus cuspóirí an chláir atá i gceist, chomh maith leis na socrúithe is infheidhme maidir leis an mBallstát lena bhfuil TCTL nasctha.
- (9) Le go mbeidh infheistíochtaí a bhaineann leis an gcomhshaol agus le gníomhú ar son na haeráide laistigh den Aontas éifeachtach, ní mór roinnt gníomhaíochtaí a chur chun feidhme lasmuigh dá theorainneacha. D'fhéadfadh sé nach ndéanfaí na hinfeistíochtaí sin a mhaoiniú faoi ionstraimí airgeadais gníomhaíochta seachtraí an Aontais i gcónaí. Ba cheart go bhféadfaí idirghabhálacha a dhéanamh i dtíortha nach bhfuil rannpháirteach go díreach in Clár LIFE, agus ba cheart go bhféadfaí daoine dlítheanacha atá bunaithe sna tíortha sin páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí arna maoiniú faoi Chlár LIFE go heisceachtúil, ar choinníoll go gcomhlíonfaí coinníollacha sonracha a leagtar amach sa Rialachán seo.
- (10) Ba cheart go soláthrófaí leis an Rialachán seo chomh maith creat le haghaidh comhair le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha agus chun tacaíocht a sholáthar dóibh, d'fhonn freagairt do riachtanais bheartais chomhshaoil agus aeráide nach dtagann faoi raon feidhme ionstraimí airgeadais gníomhaíochta seachtraí, amháil staidéir áirithe.
- (11) Ba cheart ceanglais chomhshaoil agus aeráide a chomhtháthú isteach i mbeartais agus i ngníomhaíochtaí

an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh Clár LIFE comhlántach le clár chistiúcháin eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa ⁽⁴⁾, Ciste Sóisialta na hEorpa ⁽⁵⁾, an Ciste Comhtháthaithe ⁽⁶⁾, an Ciste Eorpach um Rátháíocht Talmhaíochta ⁽⁷⁾, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe ⁽⁸⁾, an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh, agus Fís 2020 - An Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht ⁽⁹⁾ ("Fís 2020").

Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit comhlántacht den sórt sin a áirithiú ar gach leibhéal. Ar leibhéal an Aontais, ba cheart comhlántacht a áirithiú trí chomhar struchtúrtha a bhunú idir Clár LIFE agus na clár chistiúcháin de chuid an Aontais ar a ndéantar bainistíocht chomhpháirteach sa Chomhchreat Straitéiseach, a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁰⁾ ("Rialachán na bhForálacha Coiteanna"), go háirithe d'fhonn cistiú gníomhaíochtaí lena gcomhlánaítear tionscadail chomhtháite a chur chun cinn nó chun tacú le húsáid réiteach, modhanna agus cineálacha cur chuige arna bhforbairt faoi Chlár LIFE. Ba cheart do Chlár LIFE roghnú torthaí taighde agus nuálaíochta a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid ó Fís 2020 a spreagadh. Sa chomhthéacs sin ba cheart dó deiseanna cómhaoinithe a chur ar fáil le haghaidh tionscadal a mbaineann tairbhí soiléire comhshaoil agus aeráide leo d'fhonn sineirgí idir Clár LIFE agus Fís 2020 a áirithiú. Ní mór comhordú a dhéanamh chun cistiúcháin dúbailte a chosc. Ba cheart don Choimisiún bearta a dhéanamh chun forlú agus ualach riaracháin breise ar thairbhí tionscadail a eascraíonn as oibleagáidí tuairiscithe ó ionstraimí airgeadais éagsúla a chosc. Chun soiléireacht agus indéantacht phraiticiúil tionscadal comhtháite faoi chlár LIFE a áirithiú, ba cheart socrúithe

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir le forálacha sonracha a bhaineann le sprioc na hinfheistíochta le haghaidh fais agus post agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 (Féach leathanach 289 den Iris Oifigiúil seo).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 (Féach leathanach 470 den Iris Oifigiúil seo).

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1300/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Comhtháthaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1084/2006 (Féach leathanach 281 den Iris Oifigiúil seo).

⁽⁷⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2005 maidir le maoiniú an chomhbheartais talmhaíochta (IO L 209, 11.8.2005, lch. 1).

⁽⁸⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005.

⁽⁹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fís 2020 - An Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020), agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE (Féach leathanach 104 den Iris Oifigiúil seo).

⁽¹⁰⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha gearrálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (Féach leathanach 320 den Iris Oifigiúil seo).

⁽¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020 (Féach leathanach 884 den Iris Oifigiúil seo).

⁽²⁾ IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

⁽³⁾ Cinneadh 2001/822/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2001 maidir le tíortha agus críocha thar lear a chomhlachú sa Chomhphobal Eorpach ("Cinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear") (IO L 314, 30.11.2001, lch. 1).

féideartha le haghaidh comhair a leagan amach ag céim luath. Ba cheart do na Ballstáit tagairt do shocruithe den sórt sin a shamhlú ina gComhaontuithe Comhpháirtíochta chun a áirithiú gur féidir buntáistí na dtionscadal comhtháite a chur san áireamh le linn cláir oibríochtúla nó forbartha tuaithe a dhreachtú.

- (12) Tá stop a chur le cailliúint bithéagsúlachta agus í a aisiompú agus éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú, mar aon le dul i ngleic le himní comhshaoil agus sláinte, fós ina bpríomhdhúshlán don Aontas. Tá iarrachtaí méadaithe ar leibhéal an Aontais riachtanach i leith na ndúshlán sin chun réitigh agus na cleachtais is fearr a sholáthar a chabhróidh le baint amach spriocanna na Teachtaireachta ón gCoimisiún an 3 Márta 2010 dar teideal "Eoraip 2020: straitéis maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach" ("Straitéis Eoraip 2020"). Ina theannta sin, tá rialachas feabhsaithe, go háirithe trí mhúscailt feasachta agus trí rannpháirtíocht geallsealbhóirí, fíor-riachtanach chun cuspóirí comhshaoil a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh trí réimse tosaíochta le haghaidh gníomhaíochta i gceist leis an bhfochlár don Chomhshaoil: an Comhshaoil agus Éifeachtúlacht Acmhainní, an Dúlra agus an Bhithéagsúlacht, agus Rialachas Comhshaoil agus Faisnéis Chomhshaoil. Ba cheart go bhféadfadh tionscadail arna maoiniú le Clár LIFE rannchuidiú le cuspóirí sonracha ceann amháin nó níos mó de na réimsí tosaíochta sin a bhaint amach, agus ba cheart go bhféadfadh níos mó ná Ballstát amháin a bheith rannpháirteach iontu.
- (13) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Meán Fómhair 2011 dar teideal "Treochlár maidir le hEoraip atá Tíosach ar Acmhainní", moladh na garspriocanna agus na gníomhaíochtaí atá riachtanach chun an tAontas a chur ar an mbealach ceart chun fás inbhuanaithe atá tíosach ar acmhainní a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart do réimse tosaíochta an Chomhshaoil agus Éifeachtúlachta Acmhainní tacú le cur chun feidhme éifeachtach bheartas comhshaoil an Aontais ag na hearnálacha poiblí agus príobháideacha, go háirithe sna hearnálacha comhshaoil arna gcumhdach sa Treochlár maidir le hEoraip atá Tíosach ar Acmhainní, trí fhorbairt agus comhroinnt réiteach nua agus na gcleachtas is fearr a éascú. Sa chomhthéacs seo, ba cheart don Choimisiún comhsheasmhacht a áirithiú agus forlú a sheachaint le Fís 2020.
- (14) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Bealtaine 2011 dar teideal "Ár n-árachas saoil, ár gcaipiteal nádúrtha: straitéis bithéagsúlachta an AE go dtí 2020" ("Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais go dtí 2020"), bunaíodh spriocanna chun stop a chur le cailliúint bithéagsúlachta agus chun

í a aisiompú. Áirítear leis na spriocanna sin, inter alia, cur chun feidhme iomlán Threoir 92/43/CEE ón gComhairle⁽¹⁾ agus Threoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾, mar aon le héiceachórais agus a gcuid seirbhísí a chothabháil agus a athchóiriú. Ba cheart do Chlár LIFE rannchuidiú leis na spriocanna sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart do réimse tosaíochta an Dúlra agus na Bithéagsúlachta díriú ar chur chun feidhme agus ar bhainistíocht líonra Natura 2000, a cuireadh ar bun faoi Threoir 92/43/CEE, go háirithe i ndáil leis an gcreat gníomhaíochta tosaíochta arna ullmhú ar bhonn Airteagal 8 den Treoir sin, ar fhorbairt agus scaipeadh na gcleachtas is fearr i leith na bithéagsúlachta agus Threoir 92/43/CEE agus Threoir 2009/147/CE, agus ar na dúshlán bithéagsúlachta níos leithne freisin atá sainaitheanta i Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais go dtí 2020.

- (15) Ba cheart rannchuidiú Chlár LIFE le riachtanais bhliantúla chistiúcháin líonra Natura 2000 a mheas i gcomhthéacs na speansas daingnithe bithéagsúlachta ó chistí eile de chuid an Aontais. Ba cheart tábhacht ar leith a thabhairt do thionscadail chomhtháite faoi chlár LIFE mar shásra cistiúcháin comhordaithe le haghaidh líonra Natura 2000, de bharr an chumais atá iontu cistí a ghíaráil agus acmhainn ionsúcháin a mhéadú do chaiteachas dúlra agus bithéagsúlachta laistigh de chistí eile de chuid an Aontais.
- (16) Tá ról suntasach ag foraoisí i ndáil leis an gcomhshaoil agus an aeráid maidir le bithéagsúlacht, uisce, ithir agus maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, i measc nithe eile. Cabhraíonn foraoisí agus ithreacha leis an aeráid a rialú trí dhé-ocsaíd charbóin (CO₂) a ghlacadh ón atmaisféar agus déanann siad méideanna ollmhóra carbóin a stóráil. Chun an ról sin a bharrfheabhsú, is gá sonraí agus faisnéis atá ábhartha agus comhoiriúnach a sholáthar. Dá bhrí sin, ba cheart don Rialachán seo creat a léiriú freisin chun tacú le sineirgí idir gníomhaíochtaí comhshaoil agus aeráide a bhaineann le foraoisí agus le hitheacha, lena n-áirítear maidir le faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin. I measc na réimsí eile le haghaidh sineirgí méadaithe, tá ganntanas uisce agus triomaigh, mar aon le rioscaí tuile a bhainistiú.
- (17) D'fhonn úsáid acmhainní Chlár LIFE a bharrfheabhsú, ba cheart go gcothófaí sineirgí idir gníomhaíochtaí faoin bhfochlár don Chomhshaoil, go háirithe chun an bhithéagsúlacht a chosaint, agus bearta maolaithe ar an athrú aeráide agus oiriúnaithe don athrú aeráide faoin bhfochlár do Ghníomhú ar son na hAeráide.

⁽¹⁾ Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le

⁽²⁾ Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

- (18) Admhaíodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2011 dar teideal "Treochlár chun bogadh i dtreo geilleagair iomaíoch ísealcharbóin faoi 2050" ("Treochlár 2050") go mbeadh tástáil cineálacha nua cur chuige i leith an mhaolaithe ar an athrú aeráide fós fíor-riachtanach chun bogadh i dtreo geilleagair ísealcharbóin. Ní mór oiriúnú don athrú aeráide mar thosaíocht trasnaí an Aontais a áirithiú chomh maith. Ina theannta sin, tá cur chun cinn an rialachais agus múscailt feasachta bunriachtanach d'fhonn torthaí cuiditheacha a bhaint amach agus chun rannpháirtíocht geallsealbhóirí a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart don fhochlár don Gníomhú ar son na hAeráide tacú le hiarrachtaí lena rannchuideofar le trí réimse tosaíochta: Maolú ar an Athrú Aeráide, Oiriúnú don Athrú Aeráide agus Rialachas Aeráide agus Faisnéis Aeráide. Ba cheart go bhféadfadh tionscadail arna maoiniú le Clár LIFE rannchuidiú le cuspóirí sonracha ceann amháin nó níos mó de na réimsí tosaíochta sin a bhaint amach, agus ba cheart go bhféadfadh níos mó ná Ballstát amháin a bheith rannpháirteach iontu.
- (19) Ba cheart don réimse tosaíochta maidir le Maolú ar an Athrú Aeráide rannchuidiú le forbairt agus cur chun feidhme bheartas agus reachtaíocht an Aontais a bhaineann leis an aeráid, go háirithe maidir le faireachán ar ghás ceaptha teasa agus tuairisciú a dhéanamh ina leith, beartais a bhaineann le húsáid na talún, athruithe in úsáid na talún agus foraoiseacht, caomhnú linnte carbóin nádúrtha, an córas um thrádáil astaíochtaí, iarracht na mBallstát chun astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú, gabháil agus stóráil charbóin, fuinneamh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh, iompar agus breoslaí, cosaint an chisil ózóin agus gáis fhluairínithe. Meastar go bhfuil tógáil an bhonneagair chun carbón a ghabháil agus a stóráil thar raon feidhme Chlár LIFE agus, dá bhrí sin, ní thacófar léi.
- (20) Is féidir na chéad iarmhairtí den athrú aeráide a fheiceáil san Eoraip agus ar fud an domhain cheana féin, amhail adhamsir as a dtagann tuilte agus triomaigh, agus teochtaí agus leibhéil mara atá ag ardú. Dá bhrí sin, ba cheart don réimse tosaíochta maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide cabhair a thabhairt do dhaonraí, d'earnálacha eacnamaíocha agus do réigiúin dul in oiriúint le tionchair den sórt sin trí straitéisí oiriúnaithe sonracha agus trí bhearta oiriúnaithe sonracha, d'fhonn Aontas níos athléimní a áirithiú. Ba cheart go mbeadh gníomhaíochtaí sa réimse seo comhlántach le gníomhaíochtaí atá incháilithe le haghaidh cistiúcháin faoin ionstraim airgeadais um chosaint shibhialta mar a bunaíodh le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾. Meastar go bhfuil tógáil an mhórbhonneagair thar raon feidhme Chlár LIFE agus, dá bhrí sin, ní thacófar léi.
- (21) Tá cur chun feidhme iomlán an bheartais chomhshaoil agus aeráide agus na reachtaíochta comhshaoil agus aeráide nasctha go dlúth le rialachas níos fearr a bhaint amach, rannpháirtíocht geallsealbhóirí a fheabhsú agus faisnéis a scaipeadh. Dá bhrí sin, ba cheart do na réimsí tosaíochta maidir le Rialachas agus le Faisnéis, sa dá fhochlár araon, tacú le forbairt ardán comhair agus le comhroinnt na gleachtas is fearr le haghaidh comhlíonta agus forghníomhaithe níos éifeachtaí, lena n-áirítear cláir oiliúna do bhreithiúna agus d'ionchúisitheoirí poiblí, agus chun tacaíocht a ghiniúint ón bpobal agus ó gheallsealbhóirí i gcomhair iarrachtaí ceaptha beartas an Aontais i réimsí an chomhshaoil agus na haeráide. Go háirithe, ba cheart dóibh tacú le feabhsuithe ar scaipeadh an bhoinn eolais agus na gleachtas is fearr i gcur chun feidhme reachtaíocht an Aontais, ar mhúscailt feasachta, agus ar rannpháirtíocht phoiblí, rochtain ar fhaisnéis agus rochtain ar cheartas maidir le cúrsaí comhshaoil.
- (22) Faoi chuimsiú an Rialacháin seo, ba cheart tacaíocht a chur ar fáil i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾. Ba cheart do thionscadail arna maoiniú faoi Chlár LIFE critéir incháilitheachta agus dámhachtana a chomhlíonadh lena áirithiú go mbainfí an úsáid is fearr is féidir as cistí de chuid an Aontais agus chun breisluach an Aontais a áirithiú. Agus measúnú á dhéanamh ar bhreisluach an Aontais, ba cheart don Choimisiún aird ar leith a thabhairt, de réir mar is infheidhme maidir leis na réimsí tosaíochta, ar an acmhainn atá ann go macasamhlófaí agus go n-aistreofaí torthaí na dtionscadal, ar inbhuanaitheacht a dtorthaí agus ar an rannchuidiú le cuspóirí ginearálta agus sonracha na réimsí tosaíochta a bhaint amach, agus ar na tosaíochtaí téamacha a chuirtear chun feidhme trí na topaicí tionscadail freisin. Ba cheart tionscadail a mbeidh iarmhairtí trasearnálacha acu a spreagadh. Ba cheart don Choimisiún freisin úsáid soláthair phoiblí ghlais a chur chun cinn agus a spreagadh, go háirithe agus tionscadail a gcur chun feidhme.
- (23) D'fhonn cothrom iomaíochta a chothú le haghaidh gach gnóthais atá gníomhach sa mhargadh inmheánach agus chun saobhadh míchuí ar an iomaíocht a sheachaint, ba cheart cistiúchán arna sholáthar faoi Chlár LIFE a dhíriú chuig clistí margaidh, i gcás inarb iomchuí. Ina theannta sin, i gcásanna inarb ionann an cistiúchán sin agus stáitchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ba cheart é a cheapadh ar shlí atá ag teacht leis na rialacha maidir le stáitchabhair sa chaoi is go ndéanfaí saobhadh ar an margadh a chosc, amhail cistiúchán príobháideach a bhrú amach, struchtúir mhargaidh

⁽¹⁾ Cinneadh 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sársa Aontais um Chosaint Shibhialta (Féach leathanach 924 den Iris Oifigiúil seo).

⁽²⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1).

neamhéifeachtacha a chruthú nó cuideachtaí neamhéifeachtúlacha a bhuanú, agus ní féidir é a chur i bhfeidhm go dtí go bhformheasfaidh an Coimisiún é i gcomhréir le hAirteagal 108(3) CFAE, ach amháin má chomhlíonann sé rialachán arna ghlacadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 994/98 ón gComhairle ⁽¹⁾.

- (24) D'fhonn cur chun feidhme beartais chomhshaoil agus aeráide a fheabhsú agus comhtháthú cuspóirí a bhaineann leis an gcomhshaoil agus leis an aeráid i mbeartais eile a fheabhsú, ba cheart do Chlár LIFE tionscadail a chur chun cinn lena dtacaítear le cineálacha cur chuige comhtháite i leith chur chun feidhme na reachtaíochta comhshaoil agus aeráide agus an bheartais chomhshaoil agus aeráide. Ba cheart tionscadail chomhtháite den sórt sin a úsáid mar uirlisí nithiúla chun comhtháthú chuspóirí an chomhshaoil agus na haeráide i mbeartais eile de chuid an Aontais agus i gcaiteachas iomlán an Aontais a fheabhsú i gcomhréir le straitéis Eoraip 2020. Ba cheart dóibh samplaí de dhea-chleachtas a sholáthar do chur i bhfeidhm éifeachtach agus dea-chomhordaithe bheartas aeráide agus comhshaoil an Aontais sna Ballstáit agus i réigiúin. Le haghaidh an fhocláir don Chomhshaoil, ba cheart do na tionscadail chomhtháite díriú go príomha ar chur chun feidhme Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais go dtí 2020, go háirithe maidir le bainistíocht agus comhdhlúthú éifeachtach líonra Natura 2000 arna bhunú le Treoir 92/43/CEE trí chur chun feidhme na gcreataí gníomhaíochta tosaíochta arna n-ullmhú ar bhonn Airteagal 8 den Treoir sin, trí chur chun feidhme Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, agus trí chur chun feidhme reachtaíochta dramhaíola agus aeir.
- (25) Ba cheart go mbeadh sásraí seachadta ilchuspóireacha (e.g. a bheidh dírithe ar thairbhí comhshaoil agus ar fhorbairt acmhainní) i gceist le tionscadail chomhtháite, a fhágann gur féidir torthaí a bhaint amach i réimsí beartais eile, go háirithe an comhshaoil muirí i gcomhréir le cuspóirí Threoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾. D'fhéadfadh tionscadail chomhtháite chomh maith a bheith beartaithe i réimsí comhshaoil eile. I gcás an fhocláir don Ghníomhú ar son na hAeráide, ba cheart go mbainfeadh na tionscadail sin go háirithe le straitéisí agus pleananna gníomhaíochta maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin.
- (26) Ba cheart do thionscadail chomhtháite tacú le sraith gníomhaíochtaí agus beart sonracha amháin, agus ba cheart gníomhaíochtaí eile lena gcomhlánaítear na cinn

arna gcur san áireamh sa tionscadal a chistiú ó chlár chistiúcháin eile de chuid an Aontais, agus ó chistí náisiúnta, cistí réigiúnacha agus cistí de chuid na hearnála príobháidí. Ba cheart do chistiúchán arna sholáthar trí bhithin Chlár LIFE leas a bhaint as sineirgí agus ba cheart dó comhsheasmhacht idir foinsí cistiúcháin éagsúla de chuid an Aontais a áirithiú trí fhócas straitéiseach comhshaoil agus aeráide a sholáthar fad a áirithítear go ndéantar nósanna imeachta a shimplí.

- (27) Maidir le tionscadail chomhtháite, a dhíríonn go láidir ar chur chun feidhme reachtaíocht chomhshaoil agus aeráide agus bheartas comhshaoil agus aeráide an Aontais, trí chur chuige comhtháite, ceanglaítear leo gníomhaíocht i ngach cuid den Aontas agus i ngach earnáil ar ar díriodh sa Rialachán seo. Beidh gá le gné dáileacháin a thabhairt isteach sa phróiseas roghnúcháin chun cothromaíocht gheografach a éascú agus chun go ndéanfaidh na Ballstáit iarracht, más gá tacaithe ag tionscadal cúnamh teicniúil de chuid LIFE, ar thionscadail chomhtháite amháin ar a laghad a ullmhú agus a mholadh i rith chlárthréimse LIFE.
- (28) I bhfianaise úrnuacht chur chuige an tionscadail chomhtháite, ba cheart geallsealbhoirí a thacú, nuair is gá, le cúnamh teicniúil. Ba cheart go maolódh nós imeachta iarratais dhá chéim ar an gcéim iarratais. Sa chéad chéim, ba cheart go gcuirfí in iúl le plean airgeadais cé acu foinsí Aontais, náisiúnta nó príobháideacha eile de chistiúchán atá le slógadh agus a mhéid a shlóghfar iad. Sa dara céim amháin ba cheart litreacha intinne ó fhoinsé cistiúcháin eile amháin ar a laghad a cheangal chun a áirithiú go bhfuil an ceanglas maidir le slógadh foinsé cistiúcháin breise comhlíonta. A mhéid a shlóghar cistí eile de chuid an Aontais, ba cheart é a chur san áireamh le linn na céime dámhachtana.
- (29) Tá rath na dtionscadal comhtháite ag brath ar dhlúthchomhar idir údarais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus na gníomhaithe neamhstáit a bhfuil inní orthu i dtaobh cuspóirí Chlár LIFE. Ba cheart prionsabail maidir le trédhearcacht agus nochtadh cinní a bhaineann le forbairt, cur chun feidhme, measúnú agus faireachán tionscadal a chur i bhfeidhm dá bhrí sin.
- (30) I gcomhréir le prionsabail na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte freagrachta, i gcás tionscadal faoin bhfochlár don Chomhshaoil, seachas tionscadail chomhtháite, ba cheart roinnt chomhréireach de chistí i measc na mBallstát uile ar feadh ré an chéad chlár oibre ilbhliantúil a dhéanamh trí leithdháil náisiúnta táscaha a bhunú.
- (31) D'fhonn cur le hacmhainn Bhallstát a bheith rannpháirteach in Clár LIFE, ba cheart cistiúchán a ráthaítear do thionscadail forbartha acmhainní a chur ar fáil d'aon Bhallstát a chomhlíonann na ceanglais ábhartha a bhunaítear leis an Rialachán seo. Ba cheart go gcuirfí cistiúchán den sórt sin ar fáil ar bhonn plean forbartha acmhainní comhaontaithe a thabharfaidh breac-chuntas ar na hidirghabhálacha agus ar an gcistiúchán atá riachtanach.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh 994/98 ón gComhairle an 7 Bealtaine 1998 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 92 agus Airteagal 93 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh i leith catagóirí áirithe Státchabhrach cothrománaí (IO L 142, 14.5.1998, lch. 1).

⁽²⁾ Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

⁽³⁾ Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19).

- (32) Ba cheart go mbeadh cáilíocht ina critéar uileghabhálach a rialaíonn meastóireacht an tionscadail agus próiseas na dámhachtana in Clár LIFE. Is de chineál tásach na gnéithe dáileacháin arna dtabhairt isteach chun cothro- maíocht gheografach a léiriú agus níor cheart go dtabharfaidís cistí daingnithe nó leithdháiltí in aghaidh an Bhallstáit le tuiscint.
- (33) Tá an tAontas ina pháirtí de Choinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí agus Rochtain ar Cheartas i gcúrsaí Comhshaoil ("Coinbhinsiún Aarhus"). Dá bhrí sin, ba cheart tacú le hobair eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) agus le líonraí na n-eintiteas neamhbhrabúis a bhfuil aidhm lena mbaineann leas ginearálta an Aontais á saothrú acu, ós rud é go bhfuil siad éifeachtach i dtacú le haidhmeanna Choinbhinsiún Aarhus trí ábhair inní agus dearchtaí shaoránaigh an Aontais a chur chun cinn mar chuid den phróiseas forbartha beartas agus i dtacú lena chur chun feidhme, agus i múscailt feasachta ar fhadhbanna a bhaineann leis an gcomhshaoil agus leis an aeráid agus freagraí beartais. Is iomchuí do Chlár LIFE tacú le raon leathan ENRanna agus líonraí na n-eintiteas neamhbhrabúis a bhfuil aidhm lena mbaineann leas ginearálta an Aontais á saothrú acu, agus atá gníomhach go príomha i réimse an chomhshaoil nó an ghníomhaithe ar son na haeráide, trí dheontais oibriúcháin a dhámhachtain ar bhealach iomaíoch agus trédhearcach, d'fhonn cabhrú leo rannchuidiú go héifeachtach le beartas an Aontais, agus le cur chun feidhme agus forfheidhmiú chuspóirí comhshaoil agus aeráide an Aontais a chur chun cinn agus a neartú, mar aon lena n-acmhainn a bheith ina bpáirtithe níos éifeachtaí a fhorbairt agus a neartú.
- (34) D'fhonn a ról a fheidhmiú i dtionscnamh fhorbairt agus chur chun feidhme beartais chomhshaoil agus aeráide, ba cheart don Choimisiún úsáid a bhaint as acmhainní ó Chlár LIFE chun tacú le hullmhú, cur chun feidhme agus príomhshruthú bheartas comhshaoil agus aeráide agus reachtaíocht chomhshaoil agus aeráide an Aontais, lena n-áirítear seirbhísí agus earraí a cheannach. Ba cheart freisin go gcuimseofar sna hacmhainní airgeadais arna leithdháileadh i dtaca le gníomhaíochtaí cumarsáide faoin Rialachán seo cumarsáid chorparáideach maidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, i dtaobh stádas chur chun feidhme agus thrasuíomh mhór-reachtaíocht uile chomhshaoil agus aeráide an Aontais chomh maith.
- (35) Is cosúil go leanfaidh an bhearna reatha atá sa mhargadh idir éileamh agus soláthar i dtaca le hiasachtaí, cothromas agus caipiteal riosca de bheith ann i gcomhthéacs géarchéime airgeadais agus, dá bhrí sin, is iomchuí úsáid ionstraimí airgeadais a cheadú chun tacú le tionscadail a bhfuil sé de chumas acu ioncam a ghiniúint i réimse an chomhshaoil nó i réimse na haeráide. Ba cheart ionstraimí airgeadais a fhaigheann tacaíocht ó Chlár LIFE a úsáid chun dul i ngleic le riachtanais mhargaidh ar leith ar bhealach costéifeachtach, i gcomhréir le cuspóirí an Chláir, agus níor cheart dóibh maoiniú príobháideach a bhrú amach. Ba cheart go bhfeadfaí ionstraimí airgeadais a chur le chéile le deontais arna gcistiú ó bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear deontais arna gcistiú faoin Rialachán seo.
- (36) Bunaithe ar an taithí a fuarthas ó chlár LIFE roimhe seo, tarraingítear aird ar an ngá le hiarrachtaí a dhíriú ar thosaíochtaí nithiúla beartais chomhshaoil agus aeráide agus ar réimsí le haghaidh gníomhaíochta. Níor cheart go mbeadh na tosaíochtaí téamacha seo uileghabhálach chun a cheadú d'iarratasóirí tograí a thíolacadh i réimsí eile agus chun smaointe nua a ionchorprú chun freagairt do dhúshlán nua. Ba cheart freisin do na clár oibre ilbhliantúla sin a bheith solúbtha chun spriocanna agus cuspóirí Chlár LIFE a bhaint amach, fad is a sholáthrófar an chobhsaíocht is gá de thopaicí tionscadal a chuireann na tosaíochtaí téamacha chun feidhme le go mbeadh iarratasóirí féideartha in ann tograí a phleanáil, a ullmhú agus a chur isteach. Ba cheart go mbeadh an chéad chlár oibre ilbhliantúil sin bailí ar feadh ceithre bliana a bheidh dara clár oibre trí bliana á leanúint. Ba cheart go mbeadh sa dá chlár oibre liosta neamh-uileghabhálach de thopaicí tionscadail a chuireann na tosaíochtaí téamacha chun feidhme.
- (37) Leag an taithí ar chlár LIFE roimhe seo béim ar an tábhacht a bhaineann le pointí teagmhála náisiúnta de chuid LIFE, go háirithe chun tacaíocht a sholáthar d'iarratasóirí agus do thairbhíthe agus leis sin go rannchuideofar le cur chun feidhme rathúil na gclár. Ba cheart, dá bhrí sin, leanúint de chóras pointí teagmhála náisiúnta agus réigiúnacha de chuid LIFE agus, nuair is féidir, ba cheart iad a neartú, go háirithe sna Ballstáit ag a bhfuil glacadh tionscadal íseal, agus ba cheart comhoibriú idir an Coimisiún agus pointí teagmhála náisiúnta de chuid LIFE agus comhoibriú i measc pointí teagmhála náisiúnta agus réigiúnacha de chuid LIFE a threisiú. Leag an taithí ar chlár LIFE roimhe seo béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le scaipeadh éifeachtach torthaí tionscadail agus gníomhaíochtaí líonraithe a áirithiú chun éifeacht ghíarála agus breisluach Chlár LIFE an Aontais a mhéadú, go háirithe trí sheimineáir, ceardlanna agus gníomhaíochtaí eile a eagrú, a dhíríonn ar an malartú taithí, eolais agus dea-chleachtas laistigh den Aontas. Ba cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, leanúint de gníomhaíochtaí scaipthe spriocdhíríthe agus iad a neartú, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin a dhíríonn go sonrach ar thionscadail chomhtháite, go háirithe sna Ballstáit ag a bhfuil glacadh tionscadal íseal, agus i ndáil le hearnálacha ar leith, agus chun an comhar agus an malartú taithí a éascú idir tairbhíthe LIFE agus daoine eile. Ba cheart don Choimisiún leanúint freisin do liosta na dtionscadal a maoiníodh trí Chlár LIFE a fhoilsiú, lena n-áirítear tuairisc ghairid ar na cuspóirí agus ar na torthaí a gnóthaíodh agus achoimre ar na cistí a gealladh trí úsáid a bhaint as meán agus teicneolaíochtaí iomchuí.

- (38) D'fhonn simpliú a dhéanamh ar Chlár LIFE agus an t-ualach riaracháin a laghdú d'iaratasóirí agus do thairbhíthe, ba cheart úsáid níos mó a bhaint as rátaí comhréidhe agus cnapshuimeanna gan cur as d'incháilítheacht CBL agus costas foirne buaine faoi na coinníollacha a leagtar síos le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012. De réir cleachtais reatha, ba cheart go sáródh suim ranníocaíochtaí na n-eagraíochtaí poiblí (mar thairbhí comhordaithe agus/nó tairbhí comhlachaithe) leis an tionscadal le 2% ar a laghad suim chostas tuarastail na foirne riaracháin náisiúnta a ghearrtar ar an tionscadal. Níor cheart cistí de chuid an Aontais a úsáid chun buiséid náisiúnta a fhóirdheonú, mar shampla, chun costas CBL a chlúdach. Níl ach faisnéis theoranta ar fáil, áfach, ar mhéideanna cistí de chuid an Aontais a úsáideadh chun CBL a chlúdach. Ba cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, forléargas a sholáthar, sna meastóireachtaí meántearma agus ex-post de Chlár LIFE, ar aisíocaíochtaí CBL in aghaidh an Bhallstáit a bheidh iarrtha ag tairbhíthe tionscadal faoi Chlár LIFE ag an gcéim dheireanach íocaíochta.
- (39) Ba cheart na huasrátaí cómhaoinithe a shocrú ag cibé leibhéal is gá d'fhonn an leibhéal éifeachtach tacaíochta arna soláthar ag Clár LIFE a choinneáil.
- (40) Ba cheart faireachán agus meastóireacht rialta a dhéanamh ar Chlár LIFE agus ar a fhocláir bunaithe ar tháscairí feidhmíochta comhfhreagracha d'fhonn coigearuithe a chumasú, lena n-áirítear aon athbhreithniú is gá ar na tosaíochtaí téamacha. Nuair a bheidh na táscairí feidhmíochta chun measúnú a dhéanamh ar chláir agus ar thionscnaimh á sainiú tuilleadh, ba cheart don Choimisiún béim a leagan ar fhaireachán cáilíochta ar bhonn táscairí feidhmíochta agus torthaí agus tionchar measta. Ba cheart don Choimisiún modh a mholadh chomh maith chun faireachán a dhéanamh ar rath fadtéarmach tionscadal, go háirithe i réimse tosaíochta an Dúlra agus na Bithéagsúlachta. D'fhonn fianaise a sholáthar i dtaobh na gcomhthairbhí a fhéadfaidh an dá fhoclár a thabhairt do ghníomhú ar son na haeráide agus don bithéagsúlacht, agus d'fhonn faisnéis a sholáthar ar an leibhéal caiteachais, ba cheart rianú a dhéanamh ar chaiteachas a bhaineann leis an aeráid agus leis an mbithéagsúlacht san fhaireachán ar Chlár LIFE, mar a shainítear in "Buiséad don Eoraip 2020". Ba cheart go mbeadh rianú den sórt sin bunaithe ar mhodheolaíocht shimplí tríd an gcaiteachas a chur i gceann de thrí chatagóir: caiteachas a bhaineann leis an aeráid/le bithéagsúlacht amháin (le bheith ríofa mar 100%), caiteachas a bhaineann go suntasach leis an aeráid/le bithéagsúlacht (le bheith ríofa mar 40%), agus caiteachas nach mbaineann leis an aeráid/le bithéagsúlacht (le bheith ríofa mar 0%). Níor cheart úsáid mhodheolaíochtaí níos beaichte a eisiáim as an modheolaíocht sin, i gcás inarb iomchuí.
- (41) Ó rud é go bhfuil taithí le fada an lá ag an gCoimisiún ar bhainistiú Chlár LIFE agus thionscadail LIFE, agus go bhfuil taithí dhearfach ag tairbhíthe LIFE le Foirne Faireacháin seachtracha, ba cheart bainistiú Chlár LIFE fanacht laistigh den Choimisiún. Ba cheart aon athrú ar struchtúr bainistithe Chlár LIFE agus ar na tionscadail a bheith faoi réir anailíse costas/sochair ex-ante agus aird ar leith a thabhairt ar shaineolas leordhóthanach agus cuimsitheach a áirithiú, go háirithe i réimse tosaíochta an Dúlra agus na Bithéagsúlachta.
- (42) Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha feadh an timthrialla caiteachais, lena n-áirítear neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus imscrúdú a dhéanamh orthu, cistí a cailleadh, a íocadh go míchuí nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, pionóis.
- (43) Chun an mheastóireacht is fearr is féidir ar úsáid cistí de chuid an Aontais a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le táscairí feidhmíochta is infheidhme maidir le tosaíochtaí téamacha don fhoclár don Comhshaol agus na réimsí tosaíochta don fhoclár do Gníomhú ar son na hAeráide, i dtaca le modhnú ar na tosaíochtaí téamacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III, agus i dtaca le céatadán an bhuiséid a leithdháiltear ar dheontais do thionscadail a thacaíonn le caomhnú an dúlra agus na bithéagsúlachta a mhéadú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.
- (44) D'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le cláir oibre ilbhliantúla a ghlacadh, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾.
- (45) I gcás nach dtugann Coiste Chlár LIFE maidir leis an gComhshaol agus le Gníomhú ar son na hAeráide aon tuairim maidir le dréachtghníomh cur chun feidhme, níor cheart don Choimisiún, i gcomhréir leis an dara fómhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh. Ba cheart dul i muinín an nós imeachta seo a dhlisteanú, inter alia, leis an ngá le measúnú a dhéanamh ar dháileadh comhréireach na gcistí idir tionscadail chomhtháite, go háirithe an t-uasmhéid a fhéadfaidh tionscadail chomhtháite aonair a fháil.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (46) Chun trasdul éifeachtúil idir na bearta arna nglacadh faoi Rialachán (CE) Uimh. 614/2007 agus faoi Chlár LIFE a áirithiú, is gá leanúint d'fhaireachán, d'iniúcháireacht agus de mheasúnú cáilíochtúil a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán sin tar éis dó dul in éag.
- (47) Is ó shainiúlacht a chur chuige agus a fhócais a thagann breisluach Chlár LIFE, rud a chuireann a chuid idirghabhálacha in oiriúint go sonrach do riachtanais chomhshaoil agus aeráide. Féadfaidh Clár LIFE rannchuidiú le cur chun feidhme níos éifeachtaí beartas comhshaoil ná Ballstáit ag gníomhú dóibh féin mar gheall ar chomhthiomsú méadaithe acmhainní agus saineolais. Ina theannta sin, soláthraítear leis an gclár an t-ardán chun na cleachtais is fearr agus eolas a fhorbairt agus a mhalartú, athruithe a fheabhsú, a chatalú agus a luathú i gcur chun feidhme an acquis, agus chun acmhainneacht a fhorbairt, chun tacú le gníomhaithe príobháideacha, go háirithe ag FBManna, i dtástáil réiteach agus teicneolaíochtaí ar mhionscála agus chun deis a thabhairt do na Ballstáit agus do gheallsealbhóirí foghlaim óna chéile. Ina theannta sin, cruthaítear sineirgí thar chistí de chuid an Aontais agus thar chistí náisiúnta trí Chlár LIFE, fad is a dhéantar gearáil ar chistí breise na hearnála príobháidí, agus mar sin méadaítear comhleánúnachas idirghabháil an Aontais agus cuirtear cur chun feidhme níos aonchineálaí an acquis chun cinn.
- (48) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon rannchuidiú le cur chun feidhme agus forbairt bheartas comhshaoil agus aeráide agus reachtaíocht chomhshaoil agus aeráide an Aontais, lena n-áirítear comhtháthú na gcuspóirí comhshaoil agus aeráide isteach i mbeartais eile, agus rialachas níos fearr a chothú, a ghnóthú go leordhóthanach ach gur fearr, de bharr fairsinge agus éifeachtaí an Rialacháin seo, iad a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (49) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 614/2007 a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

TEIDEAL I

AN CLÁR DON CHOMHSHAOL AGUS DO GHNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE (LIFE)

Airteagal 1

Bunú

Bunaítear leis seo Clár don Chomhshaoil agus do Ghníomhú ar son na hAeráide i gcomhair na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020 ("Clár LIFE").

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) ciallaíonn "treoirhionscadail" tionscadail lena gcuirtear i bhfeidhm teicnócht nó modh nár cuireadh i bhfeidhm nó nár tástáladh roimhe seo, nó in aon áit eile, lena gcuirtear buntáistí comhshaoil nó aeráide féideartha ar fáil i gcomparáid leis an gcleachtas is fearr reatha agus is féidir a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin ar scála níos mó maidir le cásanna comhchosúla;
- (b) ciallaíonn "tionscadail taispeántais" tionscadail lena ndéantar gníomhaíochtaí, modheolaíochtaí nó cineálacha cur chuige éagsúla, atá úrnua nó anaithnid i gcomhthéacs sainiúil an tionscadail amhail comhthéacs geografach, éiceolaíoch nó socheacnamaíoch, a chur i gcleachtas, a thástáil, a scaipeadh, agus lena ndéantar meastóireacht orthu, ar féidir iad a chur i bhfeidhm in áiteanna eile in imthosca comhchosúla;
- (c) ciallaíonn "tionscadail na gcleachtas is fearr" tionscadail lena gcuirtear teicnící, modhanna agus cineálacha cur chuige íomchuí, costéifeachtúla agus úrscothacha i bhfeidhm agus comhthéacs sonrach an tionscadail á chur san áireamh;
- (d) ciallaíonn "tionscadail chomhtháite" tionscadail lena ndéantar pleananna nó straitéisí maidir leis an gcomhshaoil nó leis an aeráid a cheanglaítear le reachtaíocht shonrach chomhshaoil nó aeráide an Aontais, arna bhforbairt de bhun ghníomhartha eile an Aontais nó arna bhforbairt ag údarais na mBallstát a chur chun feidhme, ar mhórscála críochach, go háirithe ar scála réigiúnach, ilréigiúnach, náisiúnta nó trasnáisiúnta, go príomha i réimsí an dúlra, lena n-áirítear, inter alia, bainistíocht líonra Natura 2000, uisce, dramhaíl, aer agus maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, fad a áirithítear rannpháirtíocht geallsealbhóirí agus fad a chuirtear chun cinn comhordú le foinse ábhartha Aontais, náisiúnta nó phríobháideach amháin ar a laghad eile de chistiúchán, agus í a shlógadh;
- (e) ciallaíonn "tionscadail cúnaimh theicniúil" tionscadail lena soláthraítear, ar mhodh deontas gníomhaíochta, tacaíocht airgeadais chun cabhrú le hiarratasóirí tionscadail chomhtháite a ullmhú, agus go háirithe chun a áirithiú go gcomhlíonann na tionscadail sin ceanglais tráthúlachta, theicniúla agus airgeadais Chlár LIFE i gcomhordú le cistí dá dtagraítear in Airteagal 8(3);
- (f) ciallaíonn "tionscadail forbartha acmhainní" tionscadail lena soláthraítear, ar mhodh deontas gníomhaíochta, tacaíocht airgeadais leis na gníomhaíochtaí is gá chun acmhainn na mBallstát a fhorbairt, lena n-áirítear pointí teagmhála náisiúnta nó réigiúnacha de chuid LIFE, d'fhonn na Ballstáit a chumasú chun a bheith rannpháirteach níos éifeachtaí in Clár LIFE;

- (g) ciallaíonn "tionscadail ullmhúcháin" tionscadail arna saináithint go príomha ag an gCoimisiún i gcomhar leis na Ballstáit chun tacú le riachtanais shonracha maidir le beartas comhshaoil nó aeráide agus reachtaíocht chomhshaoil nó aeráide an Aontais a fhorbairt agus a chur chun feidhme;
- (h) ciallaíonn "tionscadail faisnéise, feasachta agus scaipthe" tionscadail atá dírithe ar thacú le cumarsáid, le scaipeadh faisnéise agus le múscailt feasachta i réimsí na bhfochlár don Chomhshaoil agus do Ghníomhú ar son na hAeráide.

Airteagal 3

Cuspóirí ginearálta agus táscairí feidhmíochta

1. Beidh na cuspóirí ginearálta seo a leanas go háirithe ag Clár LIFE:
- (a) rannchuidiú leis an athrú i dtreo geilleagair ísealcharbóin a bheidh tíosach ar acmhainní agus athléimneach ó thaobh na haeráide de, le cáilíocht an chomhshaoil a chosaint agus a fheabhsú agus le stop a chur le cailliúint bithéagsúlachta agus í a aisiompú, lena n-áirítear tacú le líonra Natura 2000 agus dul i ngleic le díghrádú na n-éiceachóras;
- (b) feabhas a chur ar fhorbairt, ar chur chun feidhme agus ar fhorghníomhú bheartas comhshaoil agus aeráide agus reachtaíocht chomhshaoil agus aeráide an Aontais, agus gníomhú mar chatalaíoch chun cuspóirí a bhaineann leis an gcomhshaoil agus leis an aeráid a chomhtháthú agus a phríomhshruthú isteach i mbeartais eile de chuid an Aontais agus isteach i gcleachtas na hearnála poiblí agus príobháidí, agus chun an méid sin a chur chun cinn freisin, lena n-áirítear trí acmhainn na hearnála poiblí agus príobháidí a mhéadú;
- (c) tacú le rialachas comhshaoil agus aeráide níos fearr ar gach leibhéal, lena n-áirítear rannpháirtíocht níos fearr na sochail sibhialta, ENRanna agus gníomhaithe áitiúla;
- (d) tacú le cur chun feidhme an 7ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil.

Agus na cuspóirí sin á saothrú, rannchuideoidh Clár LIFE le forbairt inbhuanaithe agus le baint amach chuspóirí agus spriocanna Straitéis Eoraip 2020 agus straitéisí agus phleananna comhshaoil agus aeráide ábhartha an Aontais.

2. Déanfar na cuspóirí ginearálta a leagtar amach i mír 1 a shaothrú trí bhíthin na bhfochlár seo a leanas:

- (a) an fochlár don Chomhshaoil;
- (b) an fochlár do Ghníomhú ar son na hAeráide.

3. Déanfar measúnú ar fheidhmíocht Chlár LIFE de réir na dtáscairí seo a leanas go háirithe:

- (a) maidir leis an gcuspóir ginearálta dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1, feabhsuithe comhshaoil agus aeráide atá inchurtha. I ndáil leis an gcuspóir chun rannchuidiú le

stop a chur le cailliúint bithéagsúlachta agus í a aisiompú, déanfar na feabhsuithe comhshaoil atá inchurtha a thomhas trí bhíthin an chéatadán de líonra Natura 2000 atá athchóirithe nó curtha faoi réir ag bainistíocht imleor, dromchla agus cineál na n-éiceachóras arna n-athchóiriú; agus líon agus cineál na ngnáthóg agus na speiceas a ndírítear orthu chun a stádas caomhnaithe a fheabhsú;

- (b) maidir leis na cuspóirí ginearálta atá nasctha leis an bhforbairt agus leis an gcur chun feidhme dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1, líon na n-idirghabhálacha arna bhforbairt nó arna ndéanamh lena ndéantar pleananna, cláir nó straitéisí a chur chun feidhme de bhun bheartas comhshaoil agus aeráide agus reachtaíocht chomhshaoil agus aeráide an Aontais, agus líon na n-idirghabhálacha atá oiriúnach le haghaidh a macasamhlaithe nó a n-aistrithe;

- (c) maidir leis na cuspóirí ginearálta atá nasctha leis an gcomhtháthú agus leis an bpríomhshruthú dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1, líon na n-idirghabhálacha lena mbaintear sineirgí amach le cláir chistiúcháin eile de chuid an Aontais, nó a ndéantar iad a phríomhshruthú iontu, nó a chomhtháthú isteach i gcleachtas na hearnála poiblí nó príobháidí;

- (d) maidir leis an gcuspóir ginearálta dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 1, líon na n-idirghabhálacha chun rialachas, scaipeadh faisnéise agus feasacht ar ghnéithe comhshaoil agus aeráide níos fearr a áirithiú.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 chun na táscairí feidhmíochta a shainiú tuilleadh i bhfianaise a gcur i bhfeidhm maidir le réimsí tosaíochta agus le tosaíochtaí téamacha dá dtagraítear in Airteagal 9 agus in Iarscríbhinn III faoi seach i dtaca leis an bhfochlár don Chomhshaoil, agus in Airteagal 13 maidir leis an bhfochlár do Ghníomhú ar son na hAeráide.

Airteagal 4

An Buiséad

1. Déantar leis seo an t-imchlúdach airgeadais chun Clár LIFE a chur chun feidhme don tréimhse ó 2014 go dtí 2020 a shocrú mar EUR 3 456 655 000 i bpraghsanna reatha, arb ionann é agus 0,318 % de mhéid iomlán na leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1311/2013.

Údaróidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na leithreasuithe bliantúla faoi theorainn an chreata airgeadais ilbhliantúil.

2. Is mar seo a leanas a bheidh an miondealú buiséadach le haghaidh na bhfochlár:

- (a) leithdháilfear EUR 2 592 491 250 den imchlúdach airgeadais foriomlán dá dtagraítear i mír 1 ar an bhfochlár don Chomhshaoil;

(b) leithdháilfear EUR 864 163 750 den imchlúdach airgeadais foriomlán dá dtagraítear i mír 1 ar an bhfochlár do Ghníomhú ar son na hAeráide.

Airteagal 5

Rannpháirtíocht tríú tíortha in Clár LIFE

Féadfaidh na tíortha seo a leanas páirt a ghlacadh in Clár LIFE:

- tíortha Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) ar páirtithe iad sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE);
- tíortha is iarrthóirí, iarrthóirí ionchasacha agus tíortha aontacha leis an Aontas;
- tíortha lena mbaineann Beartas Comharsanachta na hEorpa;
- tíortha ar comhaltaí iad den Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 933/1999 ón gComhairle ⁽¹⁾.

Saothrófar rannpháirtíocht den sórt sin i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos sna comhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha faoi seach lena mbunaítear na prionsabail ghinearálta maidir le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gclár an Aontais.

Airteagal 6

Gníomhaíochtaí lasmuigh den Aontas nó i dtíortha agus i gcriócha thar lear

1. Gan dochar d'Airteagal 5, féadfar gníomhaíochtaí lasmuigh den Aontas agus i dtíortha agus i gcriócha thar lear (TCTLanna) i gcomhréir le Cinneadh 2001/822/CE (an Cinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear) a mhaoiniú trí Chlár LIFE, ar choinníoll go bhfuil na gníomhaíochtaí sin riachtanach chun cuspóirí an Aontais a bhaineann leis an gcomhshaoil agus leis an aeráid a bhaint amach agus chun éifeachtacht na n-idirghabhálacha a dhéantar i gcriócha na mBallstát a bhfuil feidhm ag na Conarthaí maidir leo a áirithiú.

2. Féadfaidh duine dlítheanach atá bunaithe lasmuigh den Aontas a bheith rannpháirteach sna tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 18, ar choinníoll go bhfuil an tairbhí a chomhordaíonn an tionscadal bunaithe san Aontas agus go gcomhlíonann an gníomhaíocht atá le tabhairt chun críche lasmuigh den Aontas na ceanglais a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo.

Airteagal 7

Comhar idirnáisiúnta

Agus Clár LIFE á chur chun feidhme, beidh comhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha, agus lena n-institiúidí

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 933/1999 ón gComhairle an 29 Aibreán 1999 lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1210/90 maidir le bunú na Ghníomhaireachta Eorpaí Chomhshaoil agus an líonra Eorpaigh um fhaisnéis agus breathnóireacht ar an gcomhshaoil (IO L 117, 5.5.1999, lch. 1).

agus lena gcomhlachtaí, indéanta de réir mar is gá ar mhaithe leis na cuspóirí ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 3 a bhaint amach.

Airteagal 8

Comhlántacht

1. Áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit go bhfuil an tacaíocht ó Chlár LIFE comhsheasmhach le beartais agus le tosaíochtaí an Aontais agus go gcomhlánaíonn sí ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais fad a áiritheoidh siad freisin go gcuirfear chun feidhme bearta simplithe.

2. Comhlíonfaidh oibríochtaí arna maoiniú faoi Chlár LIFE dlí an Aontais agus dlí náisiúnta, lena n-áirítear rialacha an Aontais maidir le státchabhair. Go háirithe, déanfaidh Ballstáit cistiúchán faoi Chlár LIFE arb ionann é agus státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE a chur in iúl don Choimisiún agus ní féidir é a chur i bhfeidhm go dtí go bhformheasfaidh an Coimisiún é i gcomhréir le hAirteagal 108(3) CFAE, ach amháin má chomhlíonann sé rialachán arna ghlacadh de bhun Airteagal 2(1) agus Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 994/98.

3. I gcomhréir lena bhfreagrachtaí faoi seach, áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit comhordú idir Clár LIFE agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh, d'fhonn sineirgí a chruthú, go háirithe i gcomhthéacs tionscadal comhtháite, agus chun tacú le húsáid réiteach, modhanna agus cineálacha cur chuige éagsúla arna bhforbairt mar chuid de Chlár LIFE. Déanfar an comhordú sin laistigh den chreat a bhunaítear le Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus tríd an gComhchreat Straitéiseach agus na sásraí a leagtar amach sna Comhaontuithe Comhpháirtíochta mar a cheanglaítear leis an Rialachán sin.

4. Áiritheoidh an Coimisiún comhsheasmhacht agus sineirgí freisin, agus seachnóidh sé forluí idir Clár LIFE agus beartais agus ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais, go háirithe Fís 2020 agus na cinn sin atá faoi chuimsiú gníomhaíocht sheachtrach an Aontais.

TEIDEAL II

NA FOCHLÁIR

CAIBIDIL 1

An fochlár don Chomhshaoil

Airteagal 9

Réimsí tosaíochta den fochlár don Chomhshaoil

1. Beidh trí réimse tosaíochta i gceist leis an bhfochlár don Chomhshaoil:

- an Comhshaoil agus Éifeachtúlacht Acmhainní;

(b) an Dúlra agus an Bithéagsúlacht:

(c) Rialachas Comhshaoil agus Faisnéis Chomhshaoil.

2. Cuimsíonn na réimsí tosaíochta dá dtagraítear i mír 1 na tosaíochtaí téamacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcás inar gá, i gcomhréir le hAirteagal 29 chun cur le tosaíochtaí téamacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III, iad a scriosadh nó a leasú, bunaithe ar na critéir seo a leanas:

(a) na tosaíochtaí a leagtar amach sa 7ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil;

(b) na cuspóirí sonracha a leagtar amach do gach réimse tosaíochta dá dtagraítear in Airteagal 10, in Airteagal 11 agus in Airteagal 12;

(c) an taithí a fuarthas i gcur chun feidhme an chláir oibre ilbhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 24;

(d) an taithí a fuarthas i gcur chun feidhme na dtionscadal comhtháite;

(e) na tosaíochtaí a thagann ó reachtaíocht nua chomhshaoil an Aontais a ghlactar tar éis 23 Nollaig 2013; nó

(f) an taithí a fuarthas i gcur chun feidhme reachtaíocht chomhshaoil agus bheartas comhshaoil an Aontais atá ann cheana.

Déanfaidh an Coimisiún athmheas agus, más gá, athbhreithniú ar na tosaíochtaí téamacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III tráth nach déanaí ná faoin meastóireacht mheántearma ar Chlár LIFE dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 27(2).

3. Déanfar ar a laghad 55 % de na hacmhainní buiséadacha arna leithdháileadh ar thionscadail a dtacaítear leo trí bhíthin deontas gníomhaíochta faoin bhfochlár don Chomhshaoil a thiomnú do thionscadail a thacaíonn le caomhnú an dúlra agus na bithéagsúlachta.

4. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 d'fhonn cur leis an gcéatadán dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo d'uasmhéid 10 %, ar choinníoll go bhfuil na cistí iomlána a iarrtar thar dhá bhliain i ndiaidh a chéile trí thograí a thagann faoi réimse tosaíochta an Dúlra agus na Bithéagsúlachta agus a chomhlíonann íoscheanglais cháilíochta níos mó ná 20 % den mhéid comhfhreagrach arna ríomh don dá bhliain roimh na blianta sin.

Airteagal 10

Cuspóirí sonracha le haghaidh réimse tosaíochta an Chomhshaoil agus Éifeachtúlachta Acmhainní

Is iad seo a leanas, go háirithe, cuspóirí sonracha an fhochláir don Chomhshaoil le haghaidh réimse tosaíochta an Chomhshaoil agus Éifeachtúlachta Acmhainní:

(a) cineálacha cur chuige beartais nó bainistíochta, na cleachtais is fearr agus réitigh, lena n-áirítear forbairt agus léiriú teicneolaíochtaí nuálacha, ar dhúshláin chomhshaoil a fhorbairt, a thástáil agus a thaispeáint, a bheidh oiriúnach

le haghaidh a macasamhlaithe, a n-aistrithe nó a bpríomhshruthaithe, lena n-áirítear maidir leis an nasc idir an comhshaoil agus sláinte, agus mar thaca le beartas agus le reachtaíocht a bhaineann le bheith tíosach ar acmhainní, lena n-áirítear an Treochlár maidir le hEoraip atá Tíosach ar Acmhainní;

(b) tacú le feidhmiú, le forbairt, le tástáil agus le taispeáint cineálacha cur chuige comhtháite le haghaidh pleananna agus clár a chur chun feidhme de bhun bheartas comhshaoil agus reachtaíocht chomhshaoil an Aontais, go príomha i réimsí an uisce, na dramhaíola agus an aeir;

(c) feabhas a chur ar an mbonn eolais maidir le beartas comhshaoil agus reachtaíocht chomhshaoil an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme, a mheasúnú agus maidir le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu, agus maidir leis na tosca, na brúnna agus na freagairtí a mbíonn tionchar acu ar an gcomhshaoil laistigh agus lasmuigh den Aontas a mheasúnú agus faireachán a dhéanamh orthu.

Airteagal 11

Cuspóirí sonracha le haghaidh réimse tosaíochta an Dúlra agus na Bithéagsúlachta

Is iad seo a leanas, go háirithe, a bheidh ina gcuspóirí sonracha ag an bhfochlár don Chomhshaoil le haghaidh réimse tosaíochta an Dúlra agus na Bithéagsúlachta:

(a) rannchuidiú le forbairt agus le cur chun feidhme bheartas agus reachtaíocht an Aontais i réimse an dúlra agus na bithéagsúlachta, lena n-áirítear Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais go dtí 2020, agus Treoir 92/43/CEE agus Treoir 2009/147/CE, go háirithe trí chineálacha cur chuige, na cleachtais is fearr agus réitigh a fheidhmiú, a fhorbairt, a thástáil agus a thaispeáint;

(b) tacú le forbairt bhreise agus le cur chun feidhme líonra Natura 2000 arna chur ar bun faoi Airteagal 3 de Threoir 92/43/CEE, agus tacú le bainistiú a dhéanamh air, go háirithe cineálacha cur chuige comhtháite le haghaidh chur chun feidhme na gcreataí gníomhaíochta tosaíochta arna n-ullmhú ar bhonn Airteagal 8 den Treoir sin a fheidhmiú, a fhorbairt, a thástáil agus a thaispeáint;

(c) feabhas a chur ar an mbonn eolais maidir le beartas agus reachtaíocht an Aontais maidir leis an dúlra agus maidir leis an mbithéagsúlacht a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a mheasúnú, agus maidir le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu, agus maidir leis na tosca, na brúnna agus na freagairtí a mbíonn tionchar acu ar an dúlra agus ar an mbithéagsúlacht laistigh agus lasmuigh den Aontas a mheasúnú agus faireachán a dhéanamh orthu.

Airteagal 12

Cuspóirí sonracha le haghaidh réimse an Rialachais Chomhshaoil agus Faisnéise Comhshaoil

Is iad seo a leanas, go háirithe, a bheidh ina gcuspóirí sonracha ag an bhfochlár don Chomhshaoil le haghaidh réimse tosaíochta an Rialachais Chomhshaoil agus Faisnéise Comhshaoil:

- (a) múscailt feasachta a chur chun cinn maidir le cúrsaí comhshaoil, lena n-áirítear tacaíocht ón bpobal agus tacaíocht gheallsealbhóra a chothú maidir le ceapadh beartas an Aontais i réimse an chomhshaoil, agus eolas maidir le forbairt inbhuanaithe agus patrúin nua maidir le tomhaltas inbhuanaithe a chur chun cinn;
- (b) tacú le cumarsáid, le bainistiú, agus le scaipeadh faisnéise i réimse an chomhshaoil, agus comhroinnt eolais maidir le réitigh rathúla chomhshaoil agus cleachtas rathúil comhshaoil a éascú, lena n-áirítear trí ardáin chomhair i measc geallsealbhóirí a fhorbairt mar aon le hoiliúint;
- (c) comhlíonadh níos éifeachtaí reachtaíocht chomhshaoil an Aontais, mar aon le cur chun feidhme na reachtaíochta sin, a chur chun cinn agus rannchuidiú leis, go háirithe trí bhíthin forbairt agus scaipeadh na gcleachtas is fearr agus na gcineálacha cur chuige maidir le beartas a chur chun cinn;
- (d) rialachas comhshaoil níos fearr a chur chun cinn trí rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí, lena n-áirítear ENRanna, a leathnú sa chomhairliúchán maidir le beartas agus i gcur chun feidhme beartais.

CAIBIDIL 2

An fochlár do Ghníomhú ar son na hAeráide

Airteagal 13

Réimsí tosaíochta den fhochlár do Ghníomhú ar son na hAeráide

Beidh trí réimse tosaíochta i gceist leis an bhfochlár do Ghníomhú ar son na hAeráide:

- (a) Maolú ar an Athrú Aeráide;
- (b) Oiriúnú don Athrú Aeráide;
- (c) Rialachas Aeráide agus Faisnéis Aeráide.

Airteagal 14

Cuspóirí sonracha le haghaidh an réimse tosaíochta maidir le Maolú ar an Athrú Aeráide

D'fhonn rannchuidiú le laghdú astaíochtaí gáis cheaptha teasa, is iad seo a leanas, go háirithe, a bheidh ina gcuspóirí sonracha ag an réimse tosaíochta maidir le Maolú ar an Athrú Aeráide:

- (a) rannchuidiú le cur chun feidhme agus le forbairt bheartas agus reachtaíocht an Aontais maidir le maolú ar an athrú aeráide, lena n-áirítear príomhshruthú ar fud na réimsí beartais, go háirithe trí chineálacha cur chuige beartais nó bainistíochta, na cleachtas is fearr agus réitigh maidir le maolú ar an athrú aeráide a fhorbairt, a thástáil agus a thaispeáint;
- (b) feabhas a chur ar an mbonn eolais i ndáil le gníomhaíochtaí agus bearta éifeachtacha maidir le maolú ar an athrú aeráide

a fhorbairt, a mheasúnú agus a chur chun feidhme, agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu, agus feabhas a chur ar an acmhainn an t-eolas sin a fheidhmiú sa chleachtas;

- (c) forbairt agus cur chun feidhme cineálacha cur chuige comhtháite a éascú, amhail le haghaidh straitéisí agus pleananna gníomhaíochta maidir le maolú ar an athrú aeráide, ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta;
- (d) rannchuidiú le forbairt agus le taispeáint teicneolaíochtaí, córas, modhanna agus ionstraimí maidir le maolú ar an athrú aeráide atá nuálaíoch agus oiriúnach le haghaidh a macasamhlaithe, a n-aistrithe nó a bpríomhshruthaithe.

Airteagal 15

Cuspóirí sonracha le haghaidh an réimse tosaíochta maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide

D'fhonn rannchuidiú le tacú le hiarrachtaí as a leanfaidh athléimneacht mhéadaithe in aghaidh an athraithe aeráide, is iad seo a leanas, go háirithe, a bheidh ina gcuspóirí sonracha ag an réimse tosaíochta maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide:

- (a) rannchuidiú le forbairt agus le cur chun feidhme bheartas an Aontais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, lena n-áirítear príomhshruthú ar fud na réimsí beartais, go háirithe trí chineálacha cur chuige beartais nó bainistíochta, na cleachtas is fearr agus réitigh maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, a fhorbairt, a thástáil agus a thaispeáint, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, cineálacha cur chuige bunaithe ar an éiceachóras;
- (b) feabhas a chur ar an mbonn eolais i ndáil le gníomhaíochtaí agus bearta éifeachtacha maidir le hoiriúnú don athrú aeráide a fhorbairt, a mheasúnú agus a chur chun feidhme, agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu, agus tosaíocht á tabhairt, i gcás inarb iomchuí, dóibh siúd a bhfuil cur chuige bunaithe ar an éiceachóras á chur i bhfeidhm acu, agus feabhas a chur ar an acmhainn an t-eolas sin a fheidhmiú sa chleachtas;
- (c) forbairt agus cur chun feidhme cineálacha cur chuige comhtháite a éascú, amhail le haghaidh straitéisí agus pleananna gníomhaíochta maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta, agus tosaíocht á tabhairt, i gcás inarb iomchuí, do chineálacha cur chuige bunaithe ar an éiceachóras;
- (d) rannchuidiú le forbairt agus le taispeáint teicneolaíochtaí, córas, modhanna agus ionstraimí maidir le hoiriúnú don athrú aeráide atá nuálaíoch agus atá oiriúnach le haghaidh a macasamhlaithe, a n-aistrithe nó a bpríomhshruthaithe.

Airteagal 16

Cuspóirí sonracha le haghaidh an réimse tosaíochta maidir le Rialachas Aeráide agus Faisnéis Aeráide

Is iad seo a leanas, go háirithe, a bheidh ina gcuspóirí sonracha ag an réimse tosaíochta maidir le Rialachas Aeráide agus Faisnéis Aeráide:

- (a) múscailt feasachta a chur chun cinn maidir le cúrsaí aeráide, lena n-áirítear tacaíocht ón bpobal agus tacaíocht gheallsealbhóra a chothú maidir le ceapadh beartas an Aontais i réimse na haeráide, agus eolas maidir le forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn;

- (b) tacú le cumarsáid, le bainistiú, agus le scaipeadh faisnéise i réimse na haeráide, agus comhroinnt eolais maidir le réitigh aeráide rathúla agus cleachtas aeráide rathúil a éascú, lena n-áirítear trí bhíthin ardáin chomhair i measc geallsealbhóirí a fhorbairt mar aon le hoiliúint;
- (c) comhlíonadh níos éifeachtaí reachtaíocht aeráide an Aontais, mar aon le cur chun feidhme na reachtaíochta sin, a chur chun cinn agus rannchuidiú leis, go háirithe trí bhíthin fhorbairt agus scaipeadh na gcleachtas is fearr agus na gcineálacha cur chuige maidir le beartas;
- (d) rialachas aeráide níos fearr a chur chun cinn trí chur le rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí, lena n-áirítear ENRanna, sa chomhairliúchán maidir le beartas agus i gcur chun feidhme beartais.

TEIDEAL III

FORÁLACHA COITEANNA CUR CHUN FEIDHME

CAIBIDIL 1

Cistiúchán*Airteagal 17***Cineálacha cistiúcháin**

1. Féadfaidh cistiúchán an Aontais a bheith sna foirmeacha dlíthiúla seo a leanas:

- (a) deontais;
- (b) conarthaí soláthair phoiblí;
- (c) ranníocaíochtaí le hionstraimí airgeadais i gcomhréir leis na forálacha maidir le hionstraimí airgeadais faoi Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, go háirithe Airteagal 139 agus Airteagal 140 de, agus le ceanglais oibríochtúla a leagtar amach i ngníomhartha sonracha an Aontais;
- (d) idirghabháil ar bith eile a theastaíonn ar mhaithe leis na cuspóirí ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 3 a bhaint amach.
2. Cuirfidh an Coimisiún an Rialachán seo chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.
3. Déanfar cistiúchán faoin Rialachán seo arb ionann é agus státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE a chur chun feidhme ar dhóigh is comhchuí le rialacha ábhartha an Aontais maidir le státchabhair.
4. Déanfar 81 % ar a laghad de na hacmhainní buiséadacha do Chlár LIFE a leithdháileadh ar thionscadail a dtacaítear leo trí bhíthin deontas gníomhaíochta nó, i gcás inarb iomchuí, trí bhíthin ionstraimí airgeadais amháil dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 1.

Féadfaidh an Coimisiún, faoi réir meastóireachta ex-ante mar a thagraítear di i bpointe (f) d'Airteagal 140(2) de Rialachán

(AE, Euratom) Uimh. 966/2012, na hionstraimí airgeadais sin a áireamh mar chuid den chlár oibre ilbhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 24.

5. Féadfar uasmhéid 30 % de na hacmhainní buiséadacha, a leithdháiltear ar na deontais ghníomhaíochta i gcomhréir le mír 4 a leithdháileadh ar thionscadail chomhtháite. Déanfar an t-uaschéatadán a athmheas faoi chuimsiú na meastóireachta meántearma ar Chlár LIFE dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 27(2) agus, más iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis.

*Airteagal 18***Tionscadail**

Féadfar na tionscadail seo a leanas a mhaoiniú le deontais ghníomhaíochta:

- (a) treoirtionscadail;
- (b) tionscadail taispeántais;
- (c) tionscadail na gcleachtas is fearr;
- (d) tionscadail chomhtháite;
- (e) tionscadail cúnaimh theicniúil;
- (f) tionscadail forbartha acmhainní;
- (g) tionscadail ullmhúcháin;
- (h) tionscadail faisnéise, feasachta agus scaipthe;
- (i) tionscadail ar bith eile a theastaíonn ar mhaithe leis na cuspóirí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3 a bhaint amach.

*Airteagal 19***Critéir incháilitheachta agus dámhachtana agus roghnú tionscadal**

1. Comhlíonfaidh tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 18 na critéir incháilitheachta bunaithe ar na sainmhínithe a leatar amach in Airteagal 2 agus na critéir dámhachtana seo a leanas:

- (a) is ar leas an Aontais a bheidh siad trí rannchuidiú suntasach a dhéanamh chun ceann amháin de chuspóirí ginearálta Chlár LIFE a leagtar amach in Airteagal 3 a bhaint amach, chomh maith leis na cuspóirí sonracha do na réimsí tosaíochta a liostaítear in Airteagal 9, na tosaíochtaí téamacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III, nó do na cuspóirí sonracha le haghaidh na réimsí tosaíochta a liostaítear in Airteagal 13;
- (b) áiríteofar leo cur chuige costéifeachtach agus beidh siad comhtháite ó thaobh na teicneolaíochta agus an airgeadais de; agus
- (c) beidh siad fóna maidir leis an gcur chun feidhme arna bheartú.

2. Beidh dámhachtain na dtionscadal faoi réir íoscheanglas cáilíochta a bheith á gcomhlíonadh ag na tionscadail i gcomhréir le forálacha ábhartha Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.

3. Seachnófar leis na tionscadaíl a bheidh á maoiniú le Clár LIFE faoi réimse tosaíochta amháin an bonn a bhaint de chuspóirí comhshaoil nó aeráide i réimse tosaíochta eile agus, i gcásanna inar féidir, cuirfear sineirgí chun cinn leo idir na cuspóirí éagsúla chomh maith le húsáid an tsoláthair phoiblí ghlais.

4. Áiritheoidh an Coimisiún cothromaíocht gheografach do thionscadaíl chomhtháite trí thrí thionscadal comhtháite ar a laghad a leithdháileadh go tásach ar gach Ballstát, lena n-áirítear tionscadal comhtháite amháin ar a laghad faoin bhfochlár don Chomhshaoil agus tionscadal comhtháite amháin ar a laghad faoin bhfochlár do Ghníomhaíocht Aeráide le linn chlárthréimhse LIFE dá dtagraítear in Airteagal 1.

Déanfar tionscadaíl chomhtháite a dháileadh d'fhonn na spriocanna a shocraítear i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 24(2) a chomhlíonadh do gach réimse dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 2.

Chun a mheas an bhfuil soláthar shlógadh cistí Aontais, náisiúnta nó príobháideacha dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 2 á chomhlíonadh, beidh an méid seo a leanas ag gabháil le tograí le haghaidh tionscadal comhtháite:

- (a) ag an gcéad chéim den phróiseas iarratais: plean airgeadais; agus
- (b) ag an dara céim den phróiseas iarratais: litir intinne amháin ar a laghad, ar litir í lena léireofar a mhéid a shlóghar foinsí Aontais, náisiúnta nó príobháideacha ábhartha eile de chistiúcháin, agus lena sonrú foinsí cistiúcháin den sórt sin.

5. Déanfaidh an Coimisiún, ar feadh ré an chéad chláir oibre ilbhliantúil, cothromaíocht gheografach a áirithiú do thionscadaíl eile seachas tionscadaíl chomhtháite a chuirtear isteach faoin bhfochlár don Chomhshaoil, trí chistí a dháileadh go comhréireach i measc na mBallstát go léir de réir leithdháilí náisiúnta tásacha arna mbunú i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Sa chás nach bhfuil leithdháilí náisiúnta tásacha infheidhme, is ar bhonn tuilleanais go heisiach a roghnófar tionscadaíl.

6. Maidir leis an tsuim chómhaoinithe is gá chun tionscadaíl, seachas tionscadaíl chomhtháite, arna gcur isteach ag Ballstát a chistiú, agus gur tionscadaíl iad atá ar an liosta a bheidh tiomsaithe ag an gCoimisiún ag deireadh an nós imeachta roghnúcháin, más lú í ná an leithdháileadh tásach don Bhallstát sin, úsáidfidh an Coimisiún, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i mír 1 agus i mír 2 a bheidh á gcomhlíonadh, iarmhéid an leithdháilte náisiúnta tháscaigh sin chun na tionscadaíl sin arna gcur isteach ag Ballstáit eile, seachas tionscadaíl in TCTLanna, is mó a rannchuidíonn le baint amach na gcuspóirí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3 a chómhaoiniú.

Le linn dó an liosta tionscadal a bheidh le cómhaoiniú a thíolacadh, tuairisceoidh an Coimisiún do Choiste Chlár LIFE maidir leis an gComhshaoil agus le Gníomhú ar son na hAeráide i ndáil leis an gcaoi ar chuir sé na critéir leithdháilí náisiúnta a bunaíodh i gcomhréir le mír 4 agus le mír 5 san áireamh.

7. Beidh aird ar leith ag an gCoimisiún ar thionscadaíl thrasnáisiúnta nuair a bhíonn comhar thrasnáisiúnta fforriachtanach le cosaint an chomhshaoil agus cuspóirí aeráide a ráthú, agus déanfaidh sé a dhícheall lena áirithiú go leithdháilfear 15 %, ar a laghad, de na hacmhainní buiséadacha atá tiomnaithe do thionscadaíl ar thionscadaíl thrasnáisiúnta. Breithneoidh an Coimisiún an ndéanfar cistiúcháin a dhámhachtain do thionscadaíl thrasnáisiúnta fiú amháin i gcásanna inar sáraíodh iarmhéid leithdháilte náisiúnta tháscaigh Ballstáit amháin nó níos mó atá rannpháirteach sna tionscadaíl thrasnáisiúnta sin.

8. Le linn an chéad chláir oibre ilbhliantúil, beidh Ballstát incháilithe le haghaidh cistiúcháin do thionscadal amháin forbartha acmhainní suas go dtí méid EUR 1 000 000, ar choinníoll go gcomhlíonann sé na critéir seo a leanas:

- (a) go bhfuil meánleibhéal ionsúcháin an Bhallstáit don bhliain 2010, don bhliain 2011 agus don bhliain 2012 dá leithdháileadh náisiúnta tásach, arna bhunú faoi Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 614/2007, faoi bhun 70 %;
- (b) go raibh OTI per capita an Bhallstáit in 2012 faoi bhun 90 % de mheán an Aontais; nó
- (c) gur aontaigh an Ballstát don Aontas i ndiaidh an 1 Eanáir 2013.

Le linn an dara clár oibre ilbhliantúil, beidh Ballstát incháilithe le haghaidh cistiúcháin do thionscadal amháin forbartha acmhainní suas go dtí méid EUR 750 000, ar choinníoll go gcomhlíonann sé na critéir seo a leanas:

- (a) go bhfuil meánleibhéal ionsúcháin an Bhallstáit dá leithdháileadh náisiúnta tásach don bhliain 2014, don bhliain 2015 agus don bhliain 2016, dá dtagraítear i mír 5, faoi bhun 70 %; agus
- (b) go mbeidh meánleibhéal ionsúcháin an Bhallstáit dá leithdháileadh náisiúnta tásach don bhliain 2014, don bhliain 2015 agus don bhliain 2016 méadaithe i gcomparáid leis an meánleibhéal ionsúcháin don bhliain 2010, don bhliain 2011 agus don bhliain 2012.

Chun bheith incháilithe le haghaidh cistiúcháin do thionscadal forbartha acmhainní, geallfaidh an Ballstát acmhainní atá tiomnaithe do Chlár Life, lena n-áirítear inter alia leibhéal foirne, a choinneáil ar leibhéal nach bhfuil níos lú ná na leibhéal a bhí i bhfeidhm in 2012, ar feadh ré an chláir oibre ilbhliantúil. Beidh an gealltanais sin leagtha amach sa phlean forbartha acmhainní dá dtagraítear i mír 9.

D'eisceacht ar fhorálacha incháilitheachta na chéad fhomhíre agus an dara fomhír agus ar feadh ré iomlán Chlár LIFE, beidh Ballstát neamh-incháilithe le haghaidh cistiúcháin do thionscadaíl forbartha acmhainní má bhí OTI per capita in 2012 os cionn 105 % de mheán an Aontais. Déanfar cistiúcháin do thionscadaíl forbartha acmhainní a theorannú do thionscadal amháin an Ballstát in aghaidh an chláir oibre ilbhliantúil.

9. Bunóidh an Coimisiún nós imeachta dámhachtana mear do na tionscadail forbartha acmhainní go léir. Féadfar iarratais le haghaidh tionscadal forbartha acmhainní den sórt sin a chur isteach amhail ón 23 Nollaig 2013. Beidh iarratais bunaithe ar phlean forbartha acmhainní a bheidh le comhaontú idir an Ballstát agus an Coimisiún ina dtabharfar cuntas ar na hidirghabhálacha a bheidh le cistiú ag Clár LIFE chun go bhforbrófar acmhainn an Bhallstáit iarratais rathúla ar chistiúchán do thionscadail faoi na fochláir don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide a chur isteach. Féadfar na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh sna hidirghabhálacha sin, ach ní bheidh siad teoranta dóibh:

- (a) pearsanra nua a earcú agus oiliúint do phointí teagmhála náisiúnta nó réigiúnacha de chuid LIFE;
- (b) malartuithe taithí agus na gcleachtas is fearr a éascú agus scaipeadh agus úsáid torthaí tionscadal faoi Chlár LIFE a chur chun cinn;
- (c) cineálacha cur chuige i leith 'oiliúint don oiliúnóir';
- (d) clár mhalartaithe agus iasachta idir na húdaráis phoiblí sna Ballstáit, go háirithe gníomhaíochtaí malartaithe maidir leis 'na daoine is fearr sa rang'.

Maidir leis na hidirghabhálacha a chumhdaítear leis an bplean forbartha acmhainní, féadfaidh a bheith ar áireamh iontu saineolaithe a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí ad hoc san inniúlacht theicniúil agus próisis, ach ní fhéadfar a áireamh iontu saineolaithe a sholáthar, arb é a bpríomhfheidhm tograí a dhréachtadh lena gcur isteach faoi na glaonna bliantúla le haghaidh tograí.

Tabharfar cuntas freisin sa phlean forbartha acmhainní ar mheastacháin do chostais na n-idirghabhálacha sin.

Airteagal 20

Rátaí cómhainithe agus incháilitheacht costas le haghaidh tionscadal

1. Beidh na huasrátaí cómhainithe do na tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 18:

- (a) ar feadh ré an chéad chlár oibre ilbhliantúil, suas go dtí 60 % de na costais incháilithe do na tionscadail go léir, seachas na tionscadail a shonraítear i bpointe (c), arna gcistiú faoin bhfochlár don Chomhshaol agus faoin bhfochlár do Ghníomhú ar son na hAeráide aron;
- (b) ar feadh ré an dara clár oibre ilbhliantúil, suas go dtí 55 % de na costais incháilithe do na tionscadail go léir, seachas na tionscadail a shonraítear i bpointe (c), arna gcistiú faoin bhfochlár don Chomhshaol agus faoin bhfochlár do Ghníomhú ar son na hAeráide aron;
- (c) ar feadh ré iomlán Chlár LIFE:
 - (i) suas go dtí 60 % de na costais incháilithe do thionscadail dá dtagraítear i bpointe (d), i bpointe (e) agus i bpointe (g) d'Airteagal 18;

- (ii) faoi réir phointe (iii), suas go dtí 60 % de na costais incháilithe do thionscadail arna gcistiú faoi réimse tosaíochta an Dúlra agus na Bithéagsúlachta san fhochlár don Chomhshaol;

- (iii) suas go dtí 75 % de na costais incháilithe do thionscadail arna gcistiú faoi réimse tosaíochta an Dúlra agus na Bithéagsúlachta san fhochlár don Chomhshaol a bhaineann le gnáthóga tosaíochta nó speicis thosaíochta le haghaidh chur chun feidhme Threoir 92/43/CEE nó leis na speicis éan, a measann an Coiste um Oiriúnú don Dul Chun Cinn Teicniúil agus Eolaíoch a bunaíodh de bhun Airteagal 16 de Threoir 2009/147/CE tosaíocht i dtaca le cistiúchán a bheith ag baint leo, nuair is gá sin chun an cuspóir caomhnaithe a bhaint amach;

- (iv) suas go dtí 100 % de na costais incháilithe do thionscadail dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 18.

2. Leagtar síos na coinníollacha maidir le hincháilitheacht costas in Airteagal 126 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012. Aireofar CBL agus costais foirne le costais den sórt sin.

Sna meastóireachtaí meántearma agus ex-post ar Chlár LIFE, soláthroidh an Coimisiún forléargas ar aisíocaíochtaí CBL in aghaidh an Bhallstáit a bheidh iarrtha ag tairbhíthe tionscadal faoi Chlár LIFE ag an gcéim dheireanach íocaíochta.

3. Measfar costais a bhaineann le ceannach talún a bheith incháilithe do mhaoiniú ón Aontas le haghaidh tionscadal dá dtagraítear in Airteagal 18 ar choinníoll:

- (a) go rannchuideoidh an ceannachán le feabhsú, le cothabháil agus le hathchóiriú shláine líonra Natura 2000 atá curtha ar bun faoi Airteagal 3 de Threoir 92/43/CEE, lena n-áirítear trí naschtacht a fheabhsú trí chonairí, áiseanna foráis, nó eilimintí eile den bhonneagar glas a chruthú.
- (b) gurb é ceannach talún an t-aon bhealach amháin nó an bealach is costéifeachtaí chun an toradh is inmhiannaithe i dtaobh caomhnú de a ghnóthú;
- (c) go gcuirfeadh an talamh arna ceannach in áirithe go fadtéarmach d'úsáid a bheidh ag luí leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 11, in Airteagal 14 nó in Airteagal 15; agus
- (d) go n-áiritheoidh an Ballstát lena mbaineann, ar mhodh aistrithe nó ar dhóigh eile, go gcuirfeadh an talamh sin in áirithe go fadtéarmach chun críocha chaomhnú an dúlra.

Airteagal 21

Deontais oibriúcháin

1. Beidh deontais oibriúcháin ina dtacaíocht do chostais oibriúcháin agus riaracháin áirithe d'eintitis neamhbhrabúis a bhfuil aidhm lena mbaineann leas ginearálta an Aontais á saothrú acu, atá gníomhach den chuid is mó i réimse an chomhshaoil nó an gníomhachta ar son na haeráide agus atá bainteach le beartas agus reachtaíocht an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú.

2. 70 % de na costais incháilithe a bheidh in uasráta cómhaoinithe an Aontais le haghaidh deontas oibriúcháin dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 22

Cineálacha eile gníomhaíochtaí

Féadfar gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ag an gCoimisiún a mhaoiniú trí Chlár LIFE chun tacú le tionscnamh, cur chun feidhme agus príomhshruthú bheartais agus reachtaíocht an Aontais maidir leis an gcomhshaol agus leis an aeráid ar mhaithe leis na cuspóirí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3 a bhaint amach. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh le gníomhaíochtaí den sórt sin:

- (a) faisnéis agus cumarsáid, lena n-áirítear feachtais mhúscaille feasachta. Cuimseofar freisin sna hacmhainní airgeadais arna leithdháileadh i dtaca le gníomhaíochtaí cumarsáide de bhun an Rialacháin seo cumarsáid chorpáraideach maidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, agus freisin maidir le stádas chur chun feidhme agus trasuíomh mhór-reachtaíocht uile chomhshaoil agus aeráide an Aontais;
- (b) staidéir, suirbhéanna, samhaltú agus cruthú creatlaí cáis;
- (c) ullmhú, cur chun feidhme, faireachán, seiceáil agus meastóireacht ar thionscadail, ar bheartais, ar chláir agus ar reachtaíocht;
- (d) ceardlanna, comhdhála agus cruinnithe;
- (e) líonrú agus ardáin na gcleachtas is fearr;
- (f) gníomhaíocht ar bith eile a theastaíonn ar mhaithe leis na cuspóirí ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 3 a bhaint amach.

Airteagal 23

Tairbhithe

Féadfar comhlachtaí poiblí agus príobháideacha a chistiú le Clár LIFE.

D'fhonn feiceálacht Chlár LIFE a áirithiú, foilseoidh na tairbhithe Clár LIFE agus torthaí a dtionscadal, agus tacaíocht an Aontais a fhaightear i gcónaí á lua. Maidir le lógó Chlár LIFE, a léirítear in Iarscríbhinn II, úsáidfeadh é do na gníomhaíochtaí cumarsáide go léir agus beidh sé ar chláir fógraí agus in áiteanna straitéiseacha inar féidir leis an bpobal é a fheiceáil. Maidir leis na hearraí marthanacha go léir a fhaightear faoi chuimsiú Chlár Life, beidh lógó Chlár LIFE orthu, ach amháin i gcásanna arna sonrú ag an gCoimisiún.

CAIBIDIL 2

Bearta cur chun feidhme

Airteagal 24

Cláir oibre ilbhliantúla

1. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhithin gníomhartha cur chun feidhme, cláir oibre ilbhliantúla a ghlacadh do Chlár LIFE. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 30(2).

Ceithre bliana a bheidh i ré an chéad chláir oibre ilbhliantúil agus trí bliana a bheidh i ré an dara clár oibre ilbhliantúil.

2. Déanfar le gach clár oibre ilbhliantúil, i gcomhréir leis na cuspóirí ginearálta a leagtar síos in Airteagal 3, an méid seo a leanas a shonrú:

- (a) leithdháileadh cistí idir na réimsí tosaíochta agus idir na cineálacha éagsúla cistiúcháin faoi chuimsiú gach fochláir i gcomhréir le hAirteagal 9(3), le hAirteagal 17(4) agus le hAirteagal 17(5). Ní dhéanfar aon réamh-leithdháileadh breise maidir le deontais ghníomhaíochta tionscadail idir gach réimse tosaíochta nó lasmuigh díobh, cé is moite de thionscadail cúnaimh theicniúil agus de thionscadail forbartha acmhainní;
- (b) na topaicí tionscadail lena gcuirfeadh chun feidhme na tosaíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn III maidir le tionscadail a mhaoineofar le haghaidh na tréimhse arna cumhdach leis an gclár oibre ilbhliantúil;
- (c) torthaí, táscairí agus spriocanna atá cáilíochtúil agus cainníochtúil le haghaidh gach réimse tosaíochta agus cineáil tionscadal le haghaidh na tréimhse arna cumhdach leis an gclár oibre ilbhliantúil i gcomhréir leis na táscairí feidhmíochta de bhun Airteagal 3(3) agus na cuspóirí sonracha a leagtar amach le haghaidh gach réimse tacaíochta in Airteagal 10, 11, 12, 14, 15 agus 16;
- (d) an mhodheolaíocht theicniúil don nós imeachta roghnúcháin agus critéir roghnúcháin agus dámhachtana maidir le deontais i gcomhréir le hAirteagal 2 agus le hAirteagal 19 den Rialachán seo agus le forálacha ábhartha Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012;
- (e) tráthchláir tháscacha le haghaidh na nglaoanna ar thograí le haghaidh na tréimhse arna cumhdach leis an gclár oibre ilbhliantúil.

3. Déanfaidh an Coimisiún, faoi chuimsiú na gclár oibre ilbhliantúil, glaoanna bliantúla le haghaidh tograí a fhoilsiú do na réimsí tosaíochta a liostaítear in Airteagal 9(1) agus in Airteagal 13. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar na cistí nár úsáideadh i nglao ar thograí ar leith a leithdháileadh idir na cineálacha éagsúla tionscadal dá dtagraítear in Airteagal 18.

4. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhithin gnímh chur chun feidhme, an clár oibre ilbhliantúil a athbhreithniú faoi thráth na meastóireachta meántearma ar Chlár LIFE ar a dhéanaí. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 30(2).

Airteagal 25

Modhanna cur chun feidhme

Déanfaidh an Coimisiún na gníomhaíochtaí a chur chun feidhme agus na cuspóirí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo á saothrú aige de réir mhodhanna chur chun feidhme an bhuiséid a leagtar amach in Airteagal 58 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, go háirithe bainistiú díreach nó indíreach ag an gCoimisiún ar bhonn láraithe, nó comhbhainistiú le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

Airteagal 26

Cúnamh riaracháin agus teicniúil

D'fhéadfadh sé go gcumhdódh leithdháileadh airgeadais Chlár LIFE caiteachas riachtanach a bhaineann le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta, cumarsáide agus meastóireachta atá ag teastáil go díreach chun bainistíocht a dhéanamh ar Chlár LIFE agus chun a chuspóirí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3 a bhaint amach.

Déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn rialta agus i gcomhar leis na pointí teagmhála náisiúnta de chuid LIFE, seimineáir agus ceardlanna a eagrú, liostaí de thionscadail arna gcistiú faoi Chlár LIFE a fhoilsiú nó tabhairt faoi ghníomhaíochtaí eile chun malartuithe taithí, eolais agus na gcleachtas is fearr maidir leis na tionscadail go léir agus macasamhlú agus aistriú torthaí ar fud an Aontais a éascú. Chun na críche sin, tabharfaidh an Coimisiún faoi ghníomhaíochtaí a spriocdhí-reoidh ar scaipeadh torthaí tionscadail i measc thairbhíthe LIFE agus daoine eile, a dhíríonn go sonrach, i gcás inarb ábhartha, ar na Ballstáit ag a bhfuil glacadh íseal de chistí LIFE agus déanfaidh sé an chumarsáid agus an comhar idir tionscadail chríochnaithe nó tionscadail atá ar siúl fós a éascú le tairbhíthe tionscadail nua, le hiarratasóirí nó le geallsealbhóirí sa réimse céanna.

Déanfaidh an Coimisiún seimineáir, ceardlanna ar leith nó, i gcás inarb iomchuí, cineálacha eile gníomhaíochtaí a eagrú gach dhá bhliain ar a laghad chun malartuithe taithí, eolais agus na gcleachtas is fearr a éascú maidir le dearadh, ullmhú agus cur chun feidhme tionscadal comhtháite chomh maith le héifeachtacht an chúnamh a sholáthraítear trí thionscadail cúnamh teicniúil. Is é a bheith i geist leis na gníomhaíochtaí sin cistí eile de chuid an Aontais agus geallsealbhóirí ábhartha eile a bheith á mbainistiú ag riaracháin náisiúnta nó réigiúnacha.

Airteagal 27

Faireachán agus meastóireacht

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus tuairisciú rialta ar chur chun feidhme Chlár LIFE (agus a fhochlár), lena n-áirítear méid an chaiteachais a bhaineann leis an aeráid agus méid an chaiteachais a bhaineann leis an mbithéagsúlacht. Déanfaidh sé measúnú freisin ar shineirgí idir Clár LIFE agus clár chomhlántacha eile de chuid an Aontais, agus go háirithe idir

a fhochlár. Déanfaidh an Coimisiún na leithdháiltí náisiúnta táscacha a ríomh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I, ar feadh ré an dara clár oibre ilbhliantúil go heisiach ar mhaithe le tagarmharcáil a dhéanamh ar fheidhmíocht na mBallstát.

2. Cuirfidh an Coimisiún na tuarascálacha seo a leanas faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún:

(a) tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2017, d'fhonn cinneadh a dhéanamh maidir le hathnuachan, modhnú nó fionraí na mbeart, tuarascáil sheachtrach neamhspleách mheastóireachta meántearma ar Chlár LIFE (agus a fhochlár), lena n-áirítear gnéithe cáilíochtúla agus cainníochtúla dá chur chun feidhme, méid an chaiteachais a bhaineann leis an aeráid agus méid an chaiteachais a bhaineann leis an mbithéagsúlacht, a mhéid a baineadh amach na sineirgí idir na cuspóirí, agus a chomhlántacht le clár ábhartha eile an Aontais, baint amach chuspóirí na mbeart uile (ar leibhéal na dtorthaí agus na dtionchar, nuair is féidir), éifeachtúlacht úsáid na n-acmhainní agus breisluach Aontais an Chláir. Áireofar freisin sa tuarascáil mheastóireachta meántearma sin anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil maidir le rannchuidiú Chlár LIFE le stádas caomhnúcháin na speiceas agus na ngnáthóg a liostaítear faoi Threoir 92/43/CEE agus faoi Threoir 2009/147/CE. Sa bhreis air sin díreoidh an mheastóireacht ar dheiseanna simpliúcháin, comhleanúnachas inmheánach agus sheachtrach na mbeart, ábharhacht leanúnach na cuspóirí uile, chomh maith leis an gcaoi ina rannchuidíonn na bearta faoi Chlár LIFE le cuspóirí agus spriocanna Straitéis Eoraip 2020 agus le forbairt inbhuanaithe. Cuirfear torthaí na meastóireachta maidir le hiarmhairt fhadéarmach LIFE+ san áireamh ann. Beidh ráitis ón gCoimisiún in éineacht leis an tuarascáil mheastóireachta meántearma lena n-áirítear an bealach ina gcuirfear torthaí na meastóireachta meántearma ar áireamh agus Clár LIFE á chur chun feidhme, agus, go háirithe, a mhéid is gá na tosaíochtaí téamacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a mhodhnú.

Beidh measúnú críochnúil sa tuarascáil mheastóireachta meántearma maidir le méid agus cáilíocht an éilimh ar thionscadail chomhtháite, agus maidir le pleanáil agus chur chun feidhme na dtionscadal sin, nó beidh an measúnú sin ag gabháil leis an tuarascáil. Díreofar go sonrach ar an rath a fíoraíodh maidir le tionscadail chomhtháite, nó an rath a bhfuiltear ag súil leis ina dtaobh, i ngiaráil cistí eile de chuid an Aontais, ag cur san áireamh go háirithe tairbhí an chomhleanúnachais mhéadaithe le hionstraimí eile cistiúcháin de chuid an Aontais, a mhéid a bhí na geallsealbhóirí rannpháirteach, nó a mhéid a clúdaíodh tionscadail faoi LIFE+ a bhí ann roimhe sin le tionscadail chomhtháite nó a bhfuiltear ag súil leis go gclúdófar leo iad.

(b) tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2023, tuarascáil sheachtrach neamhspleách mheastóireachta ex-post ina gcumhdófar cur chun feidhme agus torthaí Chlár LIFE (agus a fhochlár), lena n-áirítear méid an chaiteachais a bhaineann leis an aeráid agus méid an chaiteachais a bhaineann leis an mbithéagsúlacht, a mhéid atá Clár LIFE ina iomláine, agus gach ceann dá fhochlár, tar éis a

chuspóirí a bhaint amach, a mhéid a fíoraíodh na sineirgí idir na cuspóirí éagsúla, agus rannchuidiú Chlár LIFE le cuspóirí agus spriocanna Straitéis Eoraip 2020 a bhaint amach. Scrúdófar freisin sa tuarascáil mheastóireachta ex-post a mhéid a baineadh amach comhtháthú chuspóirí an chomhshaoil agus na haeráide i mbeartais eile an Aontais agus, a mhéid is féidir, an tairbhe eacnamaíoch a baineadh amach trí Chlár LIFE chomh maith leis an tionchar agus leis an mbreisluach do na pobail atá rannpháirteach.

3. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na meastóireachtaí a dhéanfar de bhun an Airteagail seo ar fáil go poiblí.

Airteagal 28

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

1. I gcás ina mbeidh gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo á gcur chun feidhme, déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí chun a áirithiú go ndéantar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne calaoise, éilliú nó gníomhaíochtaí neamhdhleathacha ar bith eile, trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí na méideanna a íocadh go míchuí a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, pionóis riaracháin agus airgeadais atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleacha a ghearradh.

2. Ar bhonn doiciméad agus ar bhonn seiceálacha ar an láthair, beidh cumhacht iniúchóireachta ag an gCoimisiún nó ag a ionadaithe agus ag an gCúirt Iniúchóirí ar gach tairbhí, ar gach conraitheoir agus ar gach fochonraitheoir a fuair cistí ón Aontas faoi Chlár LIFE.

Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí a dhéanamh ar oibreoírí eacnamaíoch a mbaineann cistiúchán den sórt sin go díreach nó go hindíreach leo i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle ⁽¹⁾ d'fhonn a shuíomh ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanfadh difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó cinneadh deontais nó le conradh a bhaineann le cistiúchán an Aontais.

Gan dochar don chéad fhomhír agus don dara fhomhír, déanfaidh comhaontuithe comhair le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus comhaontuithe deontais, cinntí deontais agus conarthaí a thig ón Rialachán seo a chur chun feidhme, cumhacht shainráite a thabhairt don Choimisiún, don Chúirt Iniúchóirí agus do OLAF iniúchtaí, seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí den sórt sin a dhéanamh.

3. Coimeádfaidh tairbhíthe chistí an Aontais gach doiciméad tacaíochta a bhaineann leis an gcaiteachas ar aon tionscadal, ar feadh tréimhse cúig bliana i ndiaidh na hiocaíochta deireanaí a rinneadh i leith an tionscadail sin, agus beidh siad ar fáil don Choimisiún.

⁽¹⁾ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

TEIDEAL IV

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 29

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo a thugtar ann chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun na gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(3), in Airteagal 9(1a) agus in Airteagal 9(2a) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse seacht mbliana amhail ón 23 Nollaig 2013.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3(3), in Airteagal 9(1a) agus in Airteagal 9(2a) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinneadh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3(3), Airteagal 9(1a) agus Airteagal 9(2a) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 30

Nós imeachta coiste

1. Déanfaidh Coiste Chlár LIFE don Chomhshaoil agus do Ghníomhú ar son na hAeráide cúnaimh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás nach dtugann an Coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fhomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 31

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 614/2007 le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

*Airteagal 32***Bearta idirthréimhseacha**

1. D'ainneoin na chéad mhíre d'Airteagal 31, i gcás beart a tosaíodh roimh an 31 Eanáir 2014 de bhun Rialachán (CE) Uimh. 614/2007, leanfaidh siad de bheith faoi rialú an Rialacháin sin go dtí go gcuirfear i gcrích iad agus comhlíonfaidh siad na forálacha teicniúla arna sainiú ann. Glacfaidh an Coiste dá dtagraítear in Airteagal 30(1) den Rialachán seo ionad an Choiste dá dtagraítear in Airteagal 13(1) de Rialachán (CE) Uimh. 614/2007 amhail ón 23 Nollaig 2013.

2. D'fhéadfadh sé go gcumhdódh an leithdháileadh airgeadais do Chlár LIFE speansais maidir le cúnamh teicniúil agus riaracháin freisin, lena n-áirítear aon fhaireachán, cumarsáid agus meastóireacht éigeantach is gá de bhun Rialachán (CE) Uimh. 614/2007 i ndiaidh dó dul in éag, chun an trasdul idir na bearta arna nglacadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 614/2007 agus Clár LIFE a áirithiú.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 11 Nollaig 2013.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
V. LEŠKEVIČIUS

3. Na méideanna a theastóidh laistigh den imchlúdach airgeadais chun foráil a dhéanamh do bhearta faireacháin, cumarsáide agus iniúchóireachta sa tréimhse tar éis an 31 Nollaig 2020, ní mheasfar iad a bheith deimhnithe ach amháin má bhíonn siad ag lú leis an gcreat airgeadais a bheidh infheidhme ón 1 Eanáir 2021.

4. Úsáidfear na leithreasuithe a chomhfhreagraíonn d'ioncam sannta a eascraíonn as aisíoc méideanna a íocadh go mícheart de bhun Rialachán (CE) Uimh. 614/2007, i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, chun Clár LIFE a mhaoiniú.

*Airteagal 33***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh éifeacht aige ón 1 Eanáir 2014.

*IARSCRÍBHINN I***Critéir chun leithdháiltí náisiúnta tásacha a bhunú do thionscadail, seachas tionscadail chomhtháite, arna gcur isteach faoin bhfochlár don Chomhshaol.**

Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le prionsabal na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte freagrachta, cistí a leithdháileadh i measc na mBallstát go léir don chlárthréimhse LIFE dá dtagraítear in Airteagal 1 do thionscadail seachas tionscadail chomhtháite, bunaithe ar na critéir seo a leanas:

(a) an Daonra

- (i) daonra iomlán gach Ballstáit (ualú 50 %); agus
- (ii) dlús daonra gach Ballstáit, suas go dtí teorainn dhá oiread mheándlús daonra an Aontais (ualú 5 %).

(b) an Dúlra agus an Bhithéagsúlacht

- (i) limistéar iomlán láithreáin Natura 2000 do gach Ballstát arna shloinneadh mar chion de limistéar iomlán Natura 2000 (ualú 25 %); agus
- (ii) cion de chríoch Ballstáit arna chumhdach ag láithreáin Natura 2000 (ualú 20 %).

ANNEXE II

Logo du programme LIFE



—

IARSCRÍBHINN III

Tosaíochtaí téamacha don fhochlár don Chomhshaol dá dtagraítear in Airteagal 9(2)

A. Réimse tosaíochta an Chomhshaoil agus Éifeachtúlachta Acmhainní:

- (a) Tosaíochtaí téamacha don Uisce, lena n-áirítear an mhuirthimpeallacht: gníomhaíochtaí le haghaidh chur chun feidhme na gcuspóirí sonracha don uisce a leagtar amach sa Treochlár maidir le hEoraip atá Tíosach ar Acmhainní agus sa 7ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol, go háirithe:
- (i) cineálacha cur chuige comhtháite chun Treoir 2000/60/CE a chur chun feidhme;
 - (ii) gníomhaíochtaí maidir le cur chun feidhme Threoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾;
 - (iii) gníomhaíochtaí maidir le cur chun feidhme chlár bhearta Threoir 2008/56/CE d'fhonn dea-stádas comhshaoil d'uiscí muirí a bhaint amach;
 - (iv) gníomhaíochtaí chun úsáid shábháilte agus éifeachtúil acmhainní uisce a áirithiú, feabhas a chur ar bhainistiú cainníochtúil uisce, ardleibhéal cáilíochta uisce a choinneáil agus mí-úsáid agus meath acmhainní uisce a sheachaint.
- (b) Tosaíochtaí téamacha le haghaidh Dramhaíola: gníomhaíochtaí le haghaidh chur chun feidhme na gcuspóirí sonracha don dramhaíl a leagtar amach sa Treochlár maidir le hEoraip atá Tíosach ar Acmhainní agus sa 7ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol, go háirithe:
- (i) cineálacha cur chuige comhtháite le haghaidh clár agus pleananna dramhaíola a chur chun feidhme;
 - (ii) gníomhaíochtaí le haghaidh reachtaíocht dramhaíola an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorbairt, agus béim ar leith ar chéad chéimeanna ord réitigh dramhaíola an Aontais (cosc, athúsáid agus athchúrsáil);
 - (iii) gníomhaíochtaí le haghaidh éifeachtúlachta acmhainní agus thionchar shaolré na dtáirgí, patrún tomhaltais agus dhí-ábharrú an gheilleagair.
- (c) Tosaíochtaí téamacha le haghaidh Éifeachtúlachta Acmhainní, lena n-áirítear an ithir agus foraoiseacha, agus an geilleagar glas agus ciorclach: gníomhaíochtaí le haghaidh chur chun feidhme an Treochláir maidir le hEoraip atá Tíosach ar Acmhainní agus le haghaidh an 7ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol, ar gníomhaíochtaí iad nach cumhdaítear le tosaíochtaí téamacha eile dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo, go háirithe:
- (i) gníomhaíochtaí le haghaidh siombóise tionsclaíche agus aistriú eolais, agus samhlacha nua a fhorbairt don aistriú i dtreo geilleagair chiorclaigh agus ghlais;
 - (ii) gníomhaíochtaí don Straitéis Théamach Ithreach (Teachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Meán Fómhair 2006 dar teideal "Straitéis Théamach do Chosaint Ithreach") le béim ar leith ar mhaolú agus ar chúiteamh séalú ithreach agus ar úsáid níos fearr talún;
 - (iii) gníomhaíochtaí le haghaidh córas faireachán agus faisnéise maidir le foraoiseacha agus chun tinte foraoiseacha a chosc.
- (d) Tosaíochtaí téamacha don Chomhshaol agus don tSláinte, lena n-áirítear ceimiceáin agus torann: gníomhaíochtaí tacaíochta le haghaidh chur chun feidhme na gcuspóirí sonracha don chomhshaol agus don tsláinte a leagtar amach sa 7ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol, go háirithe:
- (i) gníomhaíochtaí tacaíochta le haghaidh chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ (REACH) agus Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ (Rialachán na dTáirgí Bithicéideacha) chun úsáid níos sábháilte, níos inbhuanaithe nó níos tiosaí de cheimiceáin a áirithiú (lena n-áirítear nana-ábhair);

⁽¹⁾ Treoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le measúnú agus bainistiú baoil tuilte (IO L 288, 6.11.2007, lch. 27).

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 27).

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicéideacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).

- (ii) gníomhaíochtaí tacaíochta chun cur chun feidhme Threoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ (an Treoir maidir le Torann) a éascú chun leibhéil torann a shroicheadh nach n-eascraíonn tionchair dhiúltacha shuntasacha agus rioscaí do shláinte an duine acu;
 - (iii) gníomhaíochtaí tacaíochta chun mórthionóiscí a sheachaint, go háirithe cur chun feidhme Threoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ (Treoir Seveso III).
- (e) Tosaíochtaí téamacha do Cháilíocht agus Astaíochtaí Air, lena n-áirítear an timpeallacht uirbeach; gníomhaíochtaí tacaíochta le haghaidh chur chun feidhme na gcuspóirí sonracha don aer agus d'astaíochtaí sa Treochlár maidir le hEoraip atá Tíosach ar Acmhainní agus sa 7ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaoil, go háirithe:
- (i) cineálacha cur chuige comhtháite maidir le cur chun feidhme na reachtaíochta um Cháilíocht Air;
 - (ii) gníomhaíochtaí tacaíochta chun comhlíonadh a éascú maidir le cáilíocht aer agus astaíochtaí gaolmhara aer, lena n-áirítear Treoir 2001/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ (an Treoir um Uasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta);
 - (iii) gníomhaíochtaí tacaíochta i ndáil le cur chun feidhme feabhsaithe Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ (an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíochta) agus béim speisialta ar fheabhas a chur ar an bpróiseas na teicnící is fearr atá ar fáil a shainiú agus a chur chun feidhme, rochtain phoiblí shaoráideach ar fhaisnéis a áirithiú agus rannchuidiú na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíochta leis an nuálaíocht a fheabhsú.

B. Réimse tosaíochta an Dúlra agus na Bithéagsúlachta:

- (a) Tosaíochtaí téamacha le haghaidh an Dúlra: gníomhaíochtaí maidir le cur chun feidhme Threoir 92/43/CEE agus Threoir 2009/147/CE, go háirithe:
 - (i) gníomhaíochtaí atá dírithe ar fheabhas a chur ar stádas caomhnaithe gnáthóg agus speiceas, lena n-áirítear gnáthóga agus speicis mhara, agus speicis éan, a bhaineann le leas an Aontais.
 - (ii) gníomhaíochtaí a thacaíonn le seimineáir bhith-gheografacha líonra Natura 2000;
 - (iii) cineálacha cur chuige comhtháite maidir le creataí gníomhaíochta tosaíochta a chur chun feidhme.
- (b) Tosaíochtaí téamacha le haghaidh na Bithéagsúlachta: gníomhaíochtaí maidir le cur chun feidhme Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais go dtí 2020, go háirithe:
 - (i) gníomhaíochtaí atá dírithe ar rannchuidiú le Sprioc 2 a chur i gcrích;
 - (ii) gníomhaíochtaí atá dírithe ar rannchuidiú le Sprioc 3, le Sprioc 4 agus le Sprioc 5 a chur i gcrích.

C. Réimse Tosaíochta an Rialachais Chomhshaoil agus Faisnéise Comhshaoil

- (a) faisnéis, cumarsáid agus feachtais múscaílte feasachta i gcomhréir le tosaíochtaí an 7ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaoil;
- (b) gníomhaíochtaí a thacaíonn le próiseas rialaithe éifeachtach chomh maith le bearta chun comhlíonadh a chur chun cinn i ndáil le reachtaíocht chomhshaoil an Aontais, agus a thacaíonn le córais faisnéise agus uirlisí faisnéise maidir le reachtaíocht chomhshaoil an Aontais a chur chun feidhme.

⁽¹⁾ Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú (IO L 189, 18.7.2002, lch. 12).

⁽²⁾ Treoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le rialú guaiseacha mórthionóiscí a bhaineann le substaintí contúirteacha, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoir 96/82/CE ón gComhairle (IO L 197, 24.7.2012, lch. 1).

⁽³⁾ Treoir 2001/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2001 maidir le huasteorainneacha náisiúnta do thruailleáin áirithe san aer (IO L 309, 27.11.2001, lch. 22).

⁽⁴⁾ Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíochta (cosc agus rialú comhtháite ar thruaillí) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17).

Ráitis ón gCoimisiún

An t uasmhéid a d'fhéadfadh tionscadal comhtháite a fháil

Is ábhar an tábhachtach don Choimisiún é leithdháileadh cothrom na gcistí idir na tionscadail chomhtháite dhifriúla, chun an méid is mó tionscadal comhtháite is féidir a chistiú agus chun a áirithiú go mbeidh na tionscadail sin á scaipeadh go cothrom ar na Ballstáit ar fad. Sa chomhthéacs sin, molfaidh an Coimisiún, agus an dréachtchlár oibre á phlé i dteannta na gcomhaltaí de Choiste LIFE, an t uasmhéid gur féidir a dhíriú ar thionscadal comhtháite amháin. Déanfar an togra seo a chomhtháthú sa nós imeachta um roghnú na dtionscadal a chaithfear a ghlacadh faoi chuimsiú an chláir oibre ilbhliantúil.

Stádas chistiú na bithéagsúlachta sna tíortha agus críocha thar lear

Is ábhar an tábhachtach don Choimisiún é cosaint an chomhshaoil agus na bithéagsúlachta sna tíortha agus críocha thar lear, mar a léirítear leis an togra le haghaidh Cinnidh maidir le Comhlachú thar lear, lena gcuimsítear na hearnálacha sin sna réimsí comhair idir an tAontas Eorpach agus na tíortha agus críocha thar lear agus lena leagtar amach na gníomhaíochtaí éagsúla a d'fhéadfadh leas a bhaint as cistiú ón Aontas Eorpach dá bharr sin.

Tá torthaí na réamhghníomhaíochta BEST le feiceáil: ghlac na tíortha agus críocha thar lear páirt sa tionscnamh, as a tháinig torthaí nithiúla don bhithéagsúlacht agus do na seirbhísí éiceachórais. Agus gníomhaíocht BEST ag druidim chun deiridh, tá an Coimisiún toilteanach leanúint ar aghaidh léi faoi chuimsiú ceann de na hionstraimí nua, eadhon faoin gclár i ndáil le hearraí poiblí domhanda agus na dúshláin a bhaineann leo, a thagann faoin ionstraim maidir le comhar um fhorbairt.

Cuirfear na deiseanna a eascraíonn as Airteagal 6 de chlár LIFE don tréimhse 2014-2020 leis an deis sin de chistiú ar mhaithe leis an mbithéagsúlacht sna tíortha agus críocha thar lear.

RIALACHÁN (AE) Uimh. 1294/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 11 Nollaig 2013

lena mbunaítear clár gníomhaíochta um chustam san Aontas Eorpach don tréimhse 2014-2020
(Custam 2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 624/2007/CE

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 33 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, ⁽¹⁾

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá éascaíocht mhór déanta ag an gclár gníomhaíochta ilbhliantúil um chustaim a bhí i bhfeidhm roimh 2014 ar chomhar idir údaráis chustaim laistigh den Aontas agus tá feabhas mór curtha aige ar an gcomhar sin. Is de chineál trasteorann go leor de na gníomhaíochtaí i réimse an chustaim, gníomhaíochtaí a bhaineann leis na Ballstáit uile agus a dhéanann difear dóibh uile agus, dá bhrí sin, ní féidir le Ballstáit aonair iad a bhaint amach go héifeachtach ná go héifeachtúil. Le clár Custam ar leibhéal an Aontais, arna chur chun feidhme ag an gCoimisiún, cuirtear creat Aontais ar fáil do na Ballstáit chun na gníomhaíochtaí comhair sin a fhorbairt, rud atá níos costéifeachtaí ná gach Ballstát a bheith ag bunú a chreata comhair aonair ar bhonn déthaobhach nó iltaobhach. Is iomchú a áirithiú, dá bhrí sin, go n-áiritheofaí go leanfar leis an gclár gníomhaíochta ilbhliantúil a bhí ann cheana trí chlár nua a bhunú sa réimse céanna, Clár Custam 2020 ('an Clár').

(2) Maidir leis na gníomhaíochtaí faoin gClár, eadhon na Córais Eorpacha Faisnéise, na gníomhaíochtaí comhpháirteacha le haghaidh oifigeach custaim agus na tionscnaimh oiliúna coitinne, beidh siad ina gcuidiú leis an straitéis Eoraip 2020 maidir le fás cliste inbhuanaithe uilechuimsitheach a chur i gcrích trí fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a neartú. Ó tharla go mbeidh an Clár ina chreat ag gníomhaíochtaí atá ceaptha údaráis chustaim agus chánachais a dhéanamh níos éifeachtaí agus nuachóirithe, iomaíochas gnólachtaí a neartú, fostaíocht a chur chun cinn agus réasúnú agus comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na mBallstát a leanas airgeadais agus eacnamaíochas, agus iad siúd de chuid an Aontais, a chosaint, neartóidh sé feidhmiú an Aontais Chustaim go gníomhach, sa chaoi go

bhfeadfaidh gnólachtaí agus saoránaigh leas a bhaint as acmhainn iomlán an mhargaidh inmheánaigh agus na trádála domhanda.

(3) D'fhonn próiseas aontachais agus comhlachais a éascú do thriú tíortha, ba cheart don Chlár a bheith oscailte do thriú tíortha agus tíortha is iarrthóirí, mar aon le hiarrthóirí ionchasacha agus tíortha comhpháirtíochta de Bheartas Comharsanachta na hEorpa ar chuntar go gcomhlíonfaidh siad coinníollacha áirithe. Ós rud é go bhfuil codanna éagsúla an gheilleagair dhomhanda á gcomhshnaidhmeadh le chéile diadid ar ndiaidh, ba cheart go leanfar leis an gClár d'fhoráil a dhéanamh maidir le saineolaithe seachtracha a bheith páirteach freisin, saineolaithe amhail oifigigh de chuid tríú tíortha, ionadaithe eagraíochtaí idirnáisiúnta nó oibreoirí eacnamaíochas i gcás gníomhaíochtaí áirithe. Meastar gur bunriachtanach é go mbíonn saineolaithe seachtracha rannpháirteach aon uair nach féidir na cuspóirí a bhaineann le clár a bhaint amach gan rannchuidiú ó na saineolaithe sin. Déanann cur ar bun na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí faoi údarás Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála comhar agus comhleanúnachas maidir le cúrsaí beartais a éascú i réimse atá ina ghné ábhartha de straitéisí agus gníomhaíochtaí seachtracha an Aontais, ar bhonn déthaobhach agus iltaobhach araon.

(4) Ba cheart go gcuirfí san áireamh i gcuspóirí an Chláir na fadhbanna agus na dúshláin atá sainaitheanta ó thaobh cúrsaí custaim de sna deich mbliana amach romhainn. Ba cheart go leanfadh an Clár de ról a bheith aige i réimsí sár-thábhachtacha amhail cur chun feidhme comhleanúnach dhlí an Aontais i réimse an chustaim agus nithe gaolmhara eile. Ina theannta sin, ba cheart don Chlár bheith dírithe ar leasanna airgeadais agus eacnamaíochas an Aontais a chosaint agus ar shábháilteacht agus slándáil a chosaint. Ba cheart go gcuimseofaí leis sin, inter alia, comhar agus comhthiomsú faisnéise idir údaráis náisiúnta agus údaráis de chuid an Aontais a dhéanann faireachán ar an margadh agus na húdaráis chustaim. Ba cheart an Clár a dhíriú freisin ar thrádáil a éascú, agus déanfar sin ar bhealaí éagsúla, inter alia trí iarrachtaí comhpháirteacha calaois a chomhrac agus trí acmhainn riaracháin na n-údarás custaim a mhéadú. Faoi chuimsiú an méid sin, ba cheart anailís chostais/sochair a dhéanamh ar threalamh braite agus ar an teicneolaíocht a bhaineann leis chun gur fusa a bheidh sé d'údaráis chustaim uirlisí nua-aimseartha le haghaidh rialú custaim a fháil i ndiaidh 2020. Ba cheart fiosrú freisin cé hiad na bealaí a d'fhéadfadh bheith ann chun uirlisí nua-aimseartha le haghaidh rialuithe custaim a fháil, lena n-áirítear soláthar poiblí comhpháirteach.

(5) Tá sé léirithe go bhfuil na huirlisí Cláir a bhí i bhfeidhm roimh 2014 leordhóthanach agus, dá bhrí sin, ba cheart iad a choinneáil. I bhfianaise an ghá atá le comhar oibríochtúil níos struchtúrtha, ba cheart uirlisí breise a

⁽¹⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Samhain 2013 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

chur leis an gclár, eadhon, foirne saineolaithe atá comhdhéanta de shaineolaithe de chuid an Aontais agus saineolaithe náisiúnta chun tascanna i réimsí ar leith a chur i gcrích i gcomhar lena chéile, agus gníomhaíochtaí chun acmhainní riarachán poiblí a fhorbairt lenar cheart cúnaimh speisialaithe a chur ar fáil do na tíortha rannpháirteacha sin a bhfuil forbairt ar a n-acmhainní riarachán de dhíth orthu.

- (6) Tá ról sár-riachtanach ag na córais Eorpacha faisnéise ó thaobh córais chustaim san Aontas a neartú agus ba cheart, dá bhrí sin, leanúint de bheith á maoiniú faoin gClár. Ina theannta sin, ba cheart go bhféadfaí córais faisnéise nua a bhaineann le cúrsaí custaim agus a bhunaítear faoi dhlí an Aontais a chur leis an gClár. Ba cheart córais Eorpacha faisnéise, nuair is iomchuí, a bhunú ar shamhlacha forbraíochta comhroinnte agus ar struchtúir teicneolaíochta faisnéise, d'fhonn cur le solúbthacht agus éifeachtúlacht sa riarachán custaim.
- (7) Ba cheart go ndéanfaí leis inniúlachtaí an duine a fhorbairt trí oiliúint choiteann agus ba cheart í sin a chur ar fáil faoin gClár. Ní mór d'oifigigh chustaim a gcuid eolais agus scileanna a mhéadú agus a choinneáil cothrom le dáta chun riachtanais an Aontais a chomhlíonadh. Ba cheart ról lárnach a bheith ag an gClár i bhforbairt scileanna daoine trí thacaíocht a thabhairt chun oiliúint níos fearr a chur ar oifigigh chustaim agus ar oibreoirí eacnamaíochta. Chun na críche sin, ba cheart clár tacaíochta ilghnéitheach do chúrsaí oiliúna san Aontas a fhorbairt as an gcur chuige um oiliúint choiteann atá san Aontas faoi láthair, atá bunaithe den chuid is mó ar ríomhfhoghlaim lárnach a fhorbairt.
- (8) Ba cheart don Chlár tábhacht chúí a thabhairt, agus scair leordhóthanach a bhuiséid a leithdháileadh, d'oibriú na gCórais Eorpach Faisnéise atá ann cheana le haghaidh oifigeach custaim agus do Chórais Eorpacha Faisnéise nua a fhorbairt atá riachtanach do chur chun feidhme Chód Custaim an Aontais. Ag an am céanna, ba cheart na meáin iomchuí a dhíriú ar ghníomhaíochtaí a thabharfadh le chéile oifigigh ag obair leis na húdaráis custaim agus ar inniúlacht an duine a fhorbairt. Ina theannta sin, ba cheart go bhforálfá sa chlár méid áirithe solúbthachta buiséadaí d'fhonn freagairt d'athruithe i dtosaíochtaí beartais.
- (9) Ba cheart don Chlár tréimhse seacht mbliana a chumhdach chun go mbeidh a fhad ag teacht le fad an chreata airgeadais ilbhliantúil atá leagtha síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ⁽¹⁾.
- (10) Leagtar síos leis an gRialachán seo clúdach airgeadais do thréimhse iomlán an Chláir a bheidh ina mhéid príomh-thagartha, de réir bhrí phointe 17 den Chomhaontú

⁽¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 lena leagtar síos an 2 Nollaig 2013 creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 - 2020 (Féach leathanach 884 den Iris Oifigiúil seo).

Idirinstiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, comhar i gcúrsaí buiséid agus bainistíocht fhónta airgeadais ⁽²⁾ ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle, le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

- (11) I gcomhréir le gealltanais an Choimisiúin a leagadh amach ina Theachtairéacht an 19 Deireadh Fómhair 2010 dar teideal 'Athbhreithniú Bhuiséad AE' cláir mhaoiniúcháin a dhéanamh níos comhleánúil agus níos simplí, ba cheart acmhainní a roinnt le hionstraimí eile maoiniúcháin de chuid an Aontais más ionann na spriocanna atá á saothrú ag gníomhaíochtaí an chláir atá beartaithe agus spriocanna roinnt ionstraimí maoiniúcháin eile, gan maoiniú dúbailte a chur san áireamh. Ba cheart go n-áiritheodh na gníomhaíochtaí a dhéanfar faoin gClár seo comhleánúnachas ó thaobh úsáid acmhainní an Aontais chun tacú le feidhmiú an aontais chustaim.
- (12) Ba cheart na bearta is gá chun gnéithe airgeadais an Rialachán seo a chur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, agus i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1268/2012 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾.
- (13) Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha ar feadh an timthrialla chaiteachais, lena n-áirítear neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, nuair is iomchuí, pionóis a chur i bhfeidhm.
- (14) Tá comhar maidir le measúnú cliste riosca sár-riachtanach chun go gcuirfeadh ar chumas nangnólachtaí atá comhlíontach agus iontaofa an buntáiste is fearr a bhaint as simpliú an ríomh-riarachán chustaim, agus chun go bhféadfaí díriú ar neamhrialtachtaí.
- (15) Chun a áirithiú go mbeidh coinníollacha aonfhoirmeacha ann chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil leis na cláir oibre bhliantúla a bhunú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾.

⁽²⁾ IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

⁽³⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairetar Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán Tarmligthe (CE) Uimh. 1268/2012 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2012 maidir le rialacha cur chun feidhme Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 362, 31.12.2012, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann le sásraí maidir le rialú ag Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (16) Chun freagairt go hiomchuí d'athruithe i dtosaíochtaí beartais, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir le leasú a dhéanamh ar an liosta táscairí chun gnóthú na gcuspóirí sonracha a thomhas agus maidir le modhnú a dhéanamh ar na suimeanna táscacha a leithdháiltear ar gach saghas gníomhaíochta. Tá sé thar a bheith tábhachtach go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear comhairliúchán le saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.
- (17) Ós rud é nach féidir cuspóir an Rialacháin seo, eadhon clár ilbhliantúil a bhunú chun feidhmiú an aontais custam a fheabhsú, a bhaint amach go leordhóthanach ag na Ballstát ós rud é nach nach bhfuil siad in ann an comhar agus an comhordú is gá a dhéanamh go héifeachtúil chun an Clár a chur i gcrích, ach gur fearr, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.
- (18) Ba cheart a bheith de chúnamh ag an gCoimisiún Coiste an chláir Custam 2020 chun an Clár a chur chun feidhme.
- (19) Chun an measúnú ar an gClár a éascú, ba cheart go mbunófaí ón tús creat iomchuí chun faireachán a dhéanamh ar na torthaí a baineadh amach faoin gClár. Ba cheart go ndéanfaí measúnú meántéarmach ar bhaint amach chuspóirí an Chláir, ar éifeachtúlacht an chláir agus ar a bhreisluach Eorpach. Sa bhreis air sin, ba cheart go ndéanfaí le tionchar fadtéarmach agus le héifeachtaí inbhuanaitheachta an Chláir i measúnú deireadh. Ba cheart trédhearcacht iomlán a áirithiú mar aon le tuairiscíú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle a dhéanamh go tráthrialta ar fhaireachán agus ar mheastóireacht. Ba cheart go mbeadh na meastóireachtaí sin bunaithe ar tháscairí, chun éifeachtaí an Chláir a thomhas i gcoinne bunlínte réamh-shainithe. Ba cheart do na táscairí, inter alia, tomhas a dhéanamh ar an tréimhse ama a mbeadh an Líonra Cumarsáide Coiteann ar fáil lena linn gan teipeanna córais mar is ag brath air sin atá feidhmiú cuí na gCóras Eorpach Faisnéise uile chun go gcomhoibreoidh na húdaráis chustaim go héifeachtúil laistigh den aontas custaim.
- (20) Le Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, rialaítear próiseáil na sonraí pearsanta a

dhéanfar sna Ballstát i gcomhthéacs an Rialacháin seo agus faoi mhaoirseacht údarás inniúla na mBallstát, go háirithe na húdaráis phoiblí neamhspleacha arna n-ainmniú ag na Ballstát. Le Rialachán (AE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, rialaítear an phróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann an Coimisiún faoi chuimsiú an Rialacháin seo agus faoi mhaoirseacht an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí. Ba cheart aon mhalartú nó tarchur faisnéise a dhéanann údarás inniúla a bheith i gcomhréir leis na rialacha maidir le haistriú sonraí pearsanta atá leagtha síos i dTreoir 95/46/CE agus ba cheart aon mhalartú nó tarchur faisnéise a dhéanann an Coimisiún a bheith i gcomhréir leis na rialacha ar aistriú sonraí pearsanta atá leagtha síos i Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.

- (21) Gabhann an Rialachán seo ionad Chinneadh Uimh. 624/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾. Ba cheart an Cinneadh sin a aisghairm dá bhrí sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

1. Bunaítear clár ilbhliantúil 'Custam 2020' ("an Clár") leis seo chun tacú le feidhmiú an aontais chustaim.
2. Cumhdóidh an Clár an tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020.

Airteagal 2

Sainmhínte

Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn "údarás chustaim" na húdaráis atá freagrach as rialacha maidir le cúrsaí custaim a chur i bhfeidhm;
- (2) ciallaíonn "saineolaithe seachtracha":
 - (a) ionadaithe de chuid údarás rialtasach, lena n-áirítear údarás rialtasacha tíortha nach bhfuil rannpháirteach sa Chlár, de bhun Airteagal 3(2)

⁽¹⁾ Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 281, 23.11.1995, lch. 31).

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil leis an bpróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann institiúidí agus comhlachtaí an AE agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

⁽³⁾ Cinneadh Uimh. 624/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Bealtaine 2007 lena mbunaítear clár gníomhaíochta um chustam sa Chomhphobal (Custam 2013) (IO L 154, 14.6.2007, lch. 25).

- (b) oibreoirí eacnamaíocha agus eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar son oibreoirí eacnamaíocha;
- (c) ionadaithe de chuid eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí ábhartha eile.

Airteagal 3

Rannpháirtíocht sa Chlár

1. Is na Ballstáit agus na tíortha dá dtagraítear i mír 2 na tíortha rannpháirteacha, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha atá leagtha amach i mír 2.
2. Féadfaidh aon cheann de na tíortha seo a leanas a bheith rannpháirteach sa Chlár:
 - (a) tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha atá ag tairbhiú de straitéis réamhaontachais, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus leis na téarmaí agus coinníollacha ginearálta maidir le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gclár de chuid an Aontais arna mbunú sna creat-chomhaontuithe lena mbaineann, sna cinntí lena mbaineann ó Chomhairlí Comhlachais nó i gcomhaontuithe eile comhchosúla;
 - (b) tíortha comhpháirtíochta de Bheartas Comharsanachta na hEorpa, ar choinníoll go bhfuil leibhéal ard go leor comhfhogasaithe bainte amach ag na tíortha sin i dtaca le reachtaíocht agus modhanna riaracháin ábhartha an Aontais.

Beidh na tíortha comhpháirtíochta dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad mhír rannpháirteachsa Chlár i gcomhréir leis na forálacha a chinnfear leis na tíortha sin tar éis creat-chomhaontuithe a bhunú maidir lena rannpháirtíocht i gclár de chuid an Aontais.

Airteagal 4

Rannchuidiú le gníomhaíochtaí faoin gClár

Féadfar cuireadh a thabhairt do shaineolaithe seachtracha rannchuidiú le gníomhaíochtaí áirithe a réachtálfar faoin gClár aon uair atá sé sin bunriachtanach chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 5 agus in Airteagal 6 a bhaint amach. Is ar bhonn scileanna, taithí agus eolais atá ábhartha do na gníomhaíochtaí i gceist a roghnóidh an Coimisiún, in éineacht le tíortha rannpháirteacha, na saineolaithe sin.

Airteagal 5

Cuspóirí ginearálta agus cuspóirí sonracha

1. Is é cuspóir ginearálta an Chláir go dtacófar le feidhmiú agus nuachóiriú an aontais chustaim d'fhonn an margadh inmheánach a neartú trí chomhar idir tíortha rannpháirteacha, a n-údarais chustaim agus a n-oifigigh. Déanfar an cuspóir ginearálta a shaothrú trí cuspóirí sonracha a ghnóthú.

2. Is iad na cuspóirí sonracha go dtacófar le húdarais chustaim leasanna airgeadais agus eacnamaíocha an Aontais agus a Bhallstát a chosaint, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne na calaoise agus cearta maoine intleachtúla a chosaint, go gcuirfear leis an tsábháilteacht agus leis an tslándáil, go ndéanfar saoránaigh agus an comhshaol a chosaint, go gcuirfear lena gcumas riaracháin agus go gcuirfear lena iomaíche atá gnólachtaí Eorpacha.

Déanfar na cuspóirí sonracha a bhaint amach go háirithe:

- (a) trí ríomhairiú;
- (b) trí bhealaí cur chuige nua-aimseartha agus comhchuibhithe i ndáil le nósanna imeachta agus rialuithe custaim;
- (c) trí thrádáil dhlísteanaigh a éascú;
- (d) trí chostais chomhlíonta agus ualach riaracháin a laghdú; agus
- (e) trí fheidhmiú na n-údarais chustaim a fheabhsú.

3. Déanfar baint amach na gcuspóirí sonracha a thomhas ar bhonn na dtáscairí atá liostaithe in Iarscríbhinn I. Nuair is gá, féadfar na táscairí sin a choigeartú le linn thréimhse an Chláir.

Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 chun leasú a dhéanamh ar an liosta táscairí a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Airteagal 6

Cuspóirí oibríochtúla

Is é seo a leanas cuspóirí oibríochtúla an Chláir:

- (a) tacú le hullmhú, cur i bhfeidhm comhleanúnach agus cur chun feidhme éifeachtach dhlí agus bheartas an Aontais i réimse an chustaim;
- (b) na Córais Eorpacha Faisnéise le haghaidh oifigeach custaim a fhorbairt, a fheabhsú, a oibriú agus tacaíocht a thabhairt dóibh;
- (c) na cleachtais oibre agus na nósanna imeachta riaracháin is fearr a shainaithint, a fhorbairt, a roinnt agus a chur i bhfeidhm, go háirithe ag leanúint de ghníomhaíochtaí tagarmharcála,
- (d) scileanna agus inniúlachtaí oifigeach custaim a atreisiú,
- (e) comhar a fheabhsú idir údarais chustaim agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, trí tíortha agus údarais eile rialtasacha, lena n-áirítear údarais náisiúnta agus údarais de chuid an Aontais a dhéanann faireachas ar an margadh, maraon le oibreoirí eacnamaíocha agus eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar son oibreoirí eacnamaíocha.

CAIBIDIL II

GNÍOMHAÍOCHTAÍ INCHÁILITHE

Airteagal 7

Gníomhaíochtaí incháilithe

Soláthróidh an Clár, faoi na coinníollacha atá leagtha amach sa chlár oibre bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 14, tacaíocht airgeadais do na cineálacha seo a leanas gníomhaíochta:

- (a) gníomhaíochtaí comhpháirteacha:
- (i) seimineáir agus ceardlanna;
 - (ii) grúpaí tionscadal, comhdhéanta de ghnáth de líon teoranta tíortha, a bheidh ag oibriú ar feadh tréimhse teoranta ama chun cuspóir atá réamhshainithe go beacht, a bhfuil toradh míonsainithe ag gabháil leis, lena n-áirítear comhordú nó tagarmharcáil, a shaothrú;
 - (iii) turais oibre arna reáchtáil ag na tíortha rannpháirteacha nó ag tír eile chun cur ar a gcumas d'oifigigh a gcuid saineolais nó tuisceana ar chúrsaí custaim a leathnú, nó chun an saineolas nó an tuiscint sin a shealbhú; i gcás turas oibre arna reáchtáil laistigh de thríú tíortha, ní bheidh incháilithe faoin gClár ach costais taistil agus chothaithe (lóistín agus liúntas laethúil);
 - (iv) gníomhaíochtaí faireacháin arna ndéanamh ag comhfhóirne atá comhdhéanta d'ionadaithe de chuid an Choimisiúin agus oifigigh de chuid na dtíortha rannpháirteacha chun anailís a dhéanamh ar chleachtais chustaim, chun aon deacrachtaí a bhaineann le rialacha a chur chun feidhme a shainiú, agus, nuair is iomchuí, chun moltaí a dhéanamh maidir le hoiriúnú a dhéanamh ar rialacha agus ar mhodhanna oibre an Aontais;
 - (v) foirne saineolaithe, eadhon saghsanna comhair struchtúrtha, de chineál buan nó neamhbhuan, a chomhthiomsaíonn a gcuid saineolais chun tascanna i réimsí sonracha nó gníomhaíochtaí oibríochtúla a dhéanamh agus a bhfuil, b'fhéidir, seirbhísí tacaíochta comhoibrithe ar líne, cúnamh riaracháin agus saoráidí bonnegair agus trealamh acu;
 - (vi) forbairt ar acmhainní riaracháin chustaim agus gníomhaíochtaí chun tacú leis sin;
 - (vii) staidéir;
 - (viii) gníomhaíochtaí cumarsáide a forbraíodh i gcomhpháirt;
 - (ix) aon ghníomhaíocht eile a thacaíonn leis na cuspóirí ginearálta, sonracha agus oibríochtúla atá leagtha amach in Airteagal 5 agus in Airteagal 6;

(b) acmhainní TF a fhorbairt: forbairt, cothabháil, oibriú agus rialú cáilíochta a dhéanamh ar chomhpháirteanna an Aontais de na córais Eorpacha faisnéise atá leagtha amach i Roinn AA d'Iarscríbhinn I agus ar Chórais Eorpacha Faisnéise nua arna mbunú faoi dhlí an Aontais

(c) inniúlacht daonna a fhorbairt: gníomhaíochtaí oiliúna coitinne a dhéanamh chun na scileanna gairmiúla riachtanacha agus an t-eolas riachtanach ar chúrsaí custaim a neartú.

Airteagal 8

Forálacha sonracha cur chun feidhme maidir le gníomhaíochtaí comhpháirteacha

1. Ar bhonn deonach a bheidh rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí comhpháirteacha dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 7.

2. Áiríteoidh na tíortha rannpháirteacha gur oifigigh a bhfuil an phróifíl agus na cáilíochtaí oiriúnacha acu a ainmneofar le bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí comhpháirteacha.

3. Déanfaidh na tíortha rannpháirteacha na bearta is gá, i gcás inarb iomchuí, chun na gníomhaíochtaí comhpháirteacha a chur chun feidhme, go háirithe trí fheasacht a mhúscail maidir leis na gníomhaíochtaí sin agus trí fhéachaint chuige go mbeifear an úsáid is fearr is féidir as torthaí na ngníomhaíochtaí.

Airteagal 9

Forálacha sonracha cur chun feidhme maidir le hacmhainní TF a fhorbairt

1. Áiríteoidh an Coimisiún agus na tíortha rannpháirteacha go ndéanfar na córais Eorpacha faisnéise dá dtagraítear i Roinn A d'Iarscríbhinn II a fhorbairt, a oibriú agus a chothabháil mar is iomchuí.

2. I gcomhar leis na tíortha rannpháirteacha, comhordóidh an Coimisiún na gnéithe sin a bhaineann le bunú agus le feidhmiú na gcomhpháirteanna de chuid an Aontais, a liostaítear amach i Roinn B d'Iarscríbhinn II, agus na gcomhpháirteanna nach comhpháirteanna de chuid an Aontais iad, a gcuirtear síos orthu i bpointe C d'Iarscríbhinn II, de chuid na gCórais Eorpacha Faisnéise dá dtagraítear i Roinn A d'Iarscríbhinn II a bhfuil gá leo d'fhonn a áirithiú go bhfuil siad ag oibriú, go bhfuil siad idirnasctha agus go mbítear ag cur feabhais orthu i dtólamh.

3. Is ar an Aontas a thitfidh na costais a ghabhann le fáil, forbairt, suiteáil, cothabháil agus oibríocht laethúil na gcomhpháirteanna de chuid an Aontais. Is ar na tíortha rannpháirteacha a thitfidh na costais a ghabhann le fáil, forbairt, suiteáil, cothabháil agus oibríocht laethúil na gcomhpháirteanna sin nach comhpháirteanna de chuid an Aontais iad.

Airteagal 10

Forálacha sonracha cur chun feidhme maidir le hinniúlacht an duine a fhorbairt

1. Ar bhonn deonach a bheidh rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí oiliúna coitinne dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 7.

2. Nuair is iomchuí, déanfaidh na tíortha rannpháirteacha ábhar oiliúna a forbraíodh i gcomhpháirt a ionchorprú ina gcuid clár oiliúna náisiúnta, lena n-áirítear modúil ríomhfhoghlama, cláir oiliúna agus caighdeáin oiliúna ar comhaontaíodh orthu.

3. Áiritheoidh na tíortha rannpháirteacha go gcuirfead ar a gcuid oifigeach an oiliúint tosaigh agus an oiliúint leanúnach is gá chun scileanna coiteanna gairmiúla agus eolas a shealbhú i gcomhréir leis na cláir oiliúna.

4. Cuirfidh na tíortha rannpháirteacha an oiliúint teanga is gá ar a gcuid oifigeach chun go bhféadfaidh siad leibhéal cumais a bhaint amach atá leordhóthanach le bheith rannpháirteach sa Chlár.

CAIBIDIL III

CREAT AIRGEADAIS

Airteagal 11

Creat airgeadais

1. Is é EUR 522 934 000 i bpraghsanna reatha an clúdach airgeadais a bheidh ann chun an Clár a chur chun feidhme don tréimhse 2014-2020.

Déanfar na leithreasáil bliantúla a údarú ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle laistigh de theorainneacha an chreata airgeadais ilbhliantúil.

2. Laistigh den imchlúdach airgeadais don Chlár, leithdháilfead méideanna táscaha ar ghníomhaíochtaí incháilithe a liostaítear in Airteagal 7, laistigh de na céatadáin a leagtar amach in Iarscríbhinn III do gach cineál gníomhaíochta. Féadfaidh an Coimisiún imeacht ón leithdháilleadh táscach cistí a leagtar amach san Iarscríbhinn sin, ach ní fhéadfaidh sé sciath leithdháilte an imchluádaigh airgeadais a mhéadú níos mó ná 10 % do gach cineál gníomhaíochta.

Más gá an teorainn sin a sharú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15, ar ghníomhartha iad lena ndéanfar an leithdháilleadh táscach cistí a leagtar amach in Iarscríbhinn III sin a mhodhnú.

Airteagal 12

Cineálacha idirghabhála

1. Is é an Coimisiún a chuirfidh an Clár chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.

2. Beidh tacaíocht airgeadais an Aontais do na gníomhartha incháilithe dá bhforáiltear in Airteagal 7 sna foirmeacha seo a leanas:

- (a) deontais;
- (b) conarthaí soláthair phoiblí;
- (c) aiséadaíocht costas arna dtabhú ag na saineolaithe seachtracha dá dtagraítear in Airteagal 4.

3. Beidh an ráta cómhaoinithe le haghaidh deontas suas le 100 % de na costais incháilithe igcás liúntas laethúla, costas taistil agus chóiríochta agus costais atá nasctha le himeachtaí a eagrú.

Sonrófar sna cláir oibre bhliantúla an ráta cómhaoinithe is infheidhme nuair a éileoidh na gníomhaíochtaí go mbronnfar deontais.

4. Sa leithdháilleadh airgeadais don Chlár féadtar a chumhdach freisin:

- (a) speansais a bhaineann le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta atá de dhíth chun an Clár a bhainistiú agus chun a chuspóirí a bhaint amach; go háirithe, staidéir, cruinnithe saineolaithe, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid chorpóraideach faoi thosaíochtaí polaitiúla an Aontais a mhéid is a bhaineann siad le cuspóirí an Chláir seo;
- (b) speansais a bhaineann le líonraí TF a dhíríonn ar fhaisnéis a phróiseáil agus a mhalartú; agus
- (c) speansais do gach cineál cúnamh theicniúil agus riaracháin eile arna dtabhú ag an gCoimisiún i mbainistiú an Chláir.

Airteagal 13

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

1. Déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí lena n-áirítear, nuair a chuirtear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo chun feidhme, go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais trí bhearta coiscitheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne calaoise, éillithe agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtacha, trí mhéideanna a íocadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis riaracháin agus airgeadais atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a chur i bhfeidhm.

2. Beidh cumhacht ag an gCoimisiún nó ag a ionadaithe agus ag an gCúirt Iniúcháin iniúchtaí a dhéanamh, ar bhonn doiciméad agus ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, ar gach conraitheoir agus ar gach fochonraitheoir a fuair maoiniú ón Aontas faoin Rialachán seo.

3. Féadfaidh an Oifig Eorpach Frithchalaoise (OLAF) cigireachtaí a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta atá leagtha síos i Rialachán (CE) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ agus i Rialachán (Euratom, CE)

⁽¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

Uimh. 2185/1996 ⁽¹⁾ d'fhonn a shuí an raibh calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile ann a dhéanfadh dochar do leasanna airgeadais an Aontais i dtaca le comhaontú deontais nó cinneadh deontais nó conradh maoinithe faoin Rialachán seo.

CAIBIDIL IV

CUMHACHTAÍ CUR CHUN FEIDHME

Airteagal 14

Clár oibre

1. Chun an Clár a chur chun feidhme, déanfaidh an Coimisiún clár bhliantúla oibre a ghlacadh trí ghníomhartha cur chun feidhme. Glacfar na ghníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(2).

Le gach clár bliantúil oibre, cuirfear cuspóirí an Chláir chun feidhme tríd an méid a leanas a chinneadh:

- (a) na gníomhaíochtaí i gcomhréir leis na cuspóirí ginearálta, sonracha agus oibríochtúla mar a leagtar amach iad in Airteagal 5 agus in Airteagal 6, an modh cur chun feidhme lena n-áirítear, nuair is iomchuí, na rialacha mionsonraithe chun foirne saineolaithe a bhunú dá dtagraítear i bpointe(v) de phointe (a) d'Airteagal 7 agus na torthaí a thuartar;
- (b) miondealú ar an mbuiséad de réir an chineáil ghníomhaíochta;
- (c) an ráta cómhaoiniúcháin do dheontais dá dtagraítear in Airteagal 12(3).

2. Agus an clár oibre bliantúil á ullmhú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé an cur chuige coiteann maidir leis an mbeartas custaim san áireamh. Déanfar an cur chuige sin a athbhreithniú go rialta agus a bhunú i gcomhpháirtíocht idir an Coimisiún agus na Ballstáit faoi chuimsiú an Ghrúpa um Bheartas Custaim, atá comhdhéanta de cheannairí riarachán custaim ó na Ballstáit nó a n-ionadaithe agus ionadaithe de chuid an Choimisiúin.

Coinneoidh an Coimisiún an Grúpa um Beartas Custaim ar an eolas faoi bhearta maidir le cur chun feidhme an Chláir.

Airteagal 15

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

⁽¹⁾ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/1996 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint in aghaidh calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

2. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear sa dara fómhír d'Airteagal 5(3) agus sa dara fómhír d'Airteagal 11(2) don tréimhse dar tús an 1 Eanáir 2014 agus dar críoch an 31 Nollaig 2020.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an tarmligean cumhachta dá dtagraítear sa dara fómhír d'Airteagal 5(3) agus sa dara fómhír d'Airteagal 11(2) a chúlghairm tráth ar bith. Cuirfidh cinneadh cúlghairme deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis foilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé aon difear do bhailíocht na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun an dara fómhír d'Airteagal 5(3) agus an dara fómhír d'Airteagal 11(2) i bhfeidhm ach amháin mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó fhógra faoin gníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, sula dtéann an tréimhse sin in éag, go gcuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 16

Nós imeachta coiste

1. Beidh coiste de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina dtagraítear don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

CAIBIDIL V

FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT

Airteagal 17

Faireachán ar ghníomhaíochtaí faoin gClár

1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na tíortha rannpháirteacha, faireachán ar chur chun feidhme an chláir agus ar ghníomhaíochtaí faoin gClár ar bhonn na dtáscairí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I.

2. Déanfaidh an Coimisiún toradh an fhaireacháin a chur ar fáil don phobal.

3. Úsáidfear torthaí an fhaireacháin chun meastóireacht a dhéanamh ar an gClár i gcomhréir le hAirteagal 18.

*Airteagal 18***Meastóireacht**

1. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta lár téarma agus tuarascáil mheastóireachta chríochnaitheach ar an gClár faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, maidir leis na nithe dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3. Déanfar torthaí na meastóireachtaí sin, lena n-áirítear easnaimh mhóra sainaitheanta, a chomhtháthú ina gcinntí maidir le hathnuachan, modhnú nó fionraí a d'fheadfaí a dhéanamh ar an gClár iardain. Is meastóir seachtrach neamhspleách a dhéanfaidh na meastóireachtaí sin.

2. Déanfaidh an Coimisiún, faoin 30 Meitheamh 2018, tuarascáil mheastóireachta lár téarma a tharraingt suas, ar tuarascáil í faoi bhaint amach cuspóirí ghníomhaíochtaí faoin gClár, faoi éifeachtúlacht úsáid na n-acmhainní agus faoi bhreisluach an Chláir, ar an leibhéal Eorpach. Díreofar sa tuarascáil sin freisin ar shimpliú, ar ábharthacht leanúnach na gcuspóirí, agus ar rannchuidiú an chláir le tosaíochtaí an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach chomh maith.

3. Déanfaidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2021 tuarascáil mheastóireachta chríochnaitheach faoi na nithe dá dtagraítear i mír 2 agus faoin iarmhairt fhadtéarmach agus faoi inbhuanaitheacht éifeachtaí an Chláir a tharraingt suas

4. Arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, tabharfaidh na tíortha rannpháirteacha, arna iarraidh sin don Choimisiún, na sonraí agus an fhaisnéis uile is ábhartha chun rannchuidiú lena thuarascálacha meastóireachta lár téarma agus críochnaitheacha.

CAIBIDIL VI

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA*Airteagal 19***Aisghairm**

Déantar Cinneadh Uimh. 624/2007/CE a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.

Mar sin féin, leanfaidh oibleagáidí airgeadais, a bhaineann le gníomhaíochtaí arna saothrú faoin gCinneadh sin, de bheith faoi réir an Chinnidh sin go dtí go gcuirfear i gcrích iad.

*Airteagal 20***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 11 Nollaig 2013.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
V. LEŠKEVIČIUS

IARSCRÍBHINN I

Táscairí

Déanfar baint amach na gcuispóirí sin dá dtagraítear in Airteagal 5(2) a thomhas ar bhonn na dtáscairí seo a leanas:

- (a) déanfaidh an t-aiseolas a thabharfaidh rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí faoin gClár agus úsáideoirí innéacs an chlár tomhas ar aireachtáil gheallsealbhóirí faoin gClár maidir le tionchar ghníomhaíochtaí an Chláir inter alia i dtéarmaí an méid a leanas:
 - (i) tionchar líonraithe gníomhaíochtaí faoin gClár;
 - (ii) tionchar comhair gníomhaíochtaí faoin gClár;
- (b) líon na dtreoirlínte agus na moltaí a eiseofar tar éis gníomhaíochtaí faoin gClár maidir le cineálacha nua-aoiseacha, comhchuibhithe cur chuige i leith nósanna imeachta custaim;
- (c) an Líonra Choitinn Cumarsáide le haghaidh Tháscaire na gCórais Eorpach faisnéise, lena dtomhaisfear infhaighteacht an líonra choitinn atá bunriachtanach chun na Córais Eorpacha Faisnéise a bhaineann le cúrsaí Custam a réachtáil. Ba cheart go mbeadh an líonra ar fáil 98 % den am;
- (d) an tInnéacs maidir le Dlí agus Beartais an Aontais a Chur i bhFeidhm agus a Chur Chun Feidhme, lena dtomhaisfear an dul chun cinn i ndáil le dlí agus beartais an Aontais a ullmhú, a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme i réimse an inter alia ar an mbonn seo a leanas:
 - (i) líon na ngníomhaíochtaí faoin gClár a eagrófar sa réimse seo, go háirithe maidir le cearta maoine intleachtúla a chosaint, ceisteanna na sábháilteachta agus na slándála, an comhrac i gcoinne na calaoise agus an tslándáil sa slabhra soláthair;
 - (ii) líon na moltaí a eiseofar tar éis na ngníomhaíochtaí sin;
- (e) Táscaire Infhaighteachta an Chórais Eorpaigh Faisnéise lena dtomhaisfear infhaighteacht chomhpháirteanna an Aontais, ar comhpháirteanna d'fheidhmchlár TF custaim iad. Ba cheart go mbeidís siúd ar fáil 97 % den am le linn uaireanta gnó, 95 % den am taobh amuigh de na huaireanta sin;
- (f) Innéacs an Dea-Chleachtas agus na dTreoirlínte, lena dtomhaisfear an t-athrú a thiocfaidh ar shainithint, forbairt, roinnt agus cur i bhfeidhm an dea-chleachtas oibre agus nósanna imeachta ar bhonn, inter alia, an méid seo a leanas:
 - (i) líon na ngníomhaíochtaí faoin gClár a eagrófar sa réimse seo,
 - (ii) líon na dtreoirlínte agus na ndea-chleachtas a roinnfear;
- (g) an Innéacs Foglaim, lena dtomhaisfear an dul chun cinn a thiocfaidh as gníomhaíochtaí faoin gClár arb é is aidhm dóibh scileanna agus inniúlachtaí oifigeigh chustaim a athneartú agus ar bhonn, inter alia, an méid a leanas:
 - (i) líon na n-oifigeach a gcuirtear oiliúint orthu trí ábhar coiteann oiliúna de chuid an Aontais a úsáid,
 - (ii) líon na n-amanna a rinneadh modúil ríomhFhoghlaim de chuid an Chláir a íoslódáil;
- (h) an Táscaire don Chomhar le tríú páirtithe, lena bunófar an chaoi a dtacóidh an clár le húdaráis nach údaráis custaim de chuid na mBallstát iad trí líon na ngníomhaíochtaí faoin gClár a dtacaítear leis an gcuispóir sin leo a thomhas.

IARSCRÍBHINN II

Córais Eorpacha Faisnéise agus a gcomhpháirteanna Aontais agus neamh-Aontais

A. Is iad seo a leanas na Córais Eorpacha Faisnéise:

- (1) an líonra cumarsáide coiteann/comheadán coiteann na gcóras (CCN/CSI – CCN2), CCN mail3, an droichead CSI, an droichead http, CCN LDAP agus uirlisí gaolmhara, tairseach gréasáin CCN, faireachán CCN;
- (2) córais chúltaca, go háirithe an uirlis chumraíochta feidhmchláir do CCN, an uirlis tuairiscithe gníomhaíochta (ART2), bainistíocht leictreonach Taxud na dtionscadal ar líne (TEMPO), uirlis bhainistíochta seirbhíse (SMT), an córas bainistíochta úsáideoirí (UM), an córas BPM, an deais infhaighteachta agus AvDB, tairseach do bhainistíocht seirbhíse TF, bainistíocht eolairí agus rochtana úsáideoirí;
- (3) Spás faisnéise agus cumarsáide an chláir (PICS);
- (4) na córais ghluaiseachta custaim, go háirithe an Córas (Nua) Ríomhchuidithe Idirthuais (N(C)TS), NCTS TIR don Rúis, an Córas Rialaithe Onnmhairí (ECS) agus an Córas Rialaithe Allmhairí (ICS). Tacaíonn na feidhmchláir/comhpháirteanna seo a leanas leis na córais sin: an córas um malartú faisnéise le tríú tíortha (droichead SPEED), Nód Tiontaire Edifact SPEED (SPEED-ECN), Feidhmchlár Tástála Caighdeánach SPEED (SSTA), An Feidhmchlár Tástála Idirthuais Caighdeánach (SSTA), an Feidhmchlár Tástála Idirthuais (TTA), na Seirbhísí Lárnacha/Sonraí Tagartha (CSR2) agus na Seirbhísí Lárnacha/Córas Bainistíochta Faisnéise (CS/MIS);
- (5) Córas Bainistíochta Riosca don Chomhphobal (CRMS) lena gcumhdaítear na Foirmeacha Faisnéise faoi Rioscaí agus fearainn fheidhmiúla CPCA do na Próifílí Coiteanna;
- (6) Córas na n-Oibreoirí Eacnamaíochta (EOS) lena gcumhdaítear Clárú agus Sainaitheint Oibreoirí Eacnamaíochta (EORI), Oibreoirí Eacnamaíochta Údaraithe (AEO), Seirbhísí Rialta Loingseoireachta (RSS) agus aithint fhrith-pháirteach le fearainn fheidhmiúla na dtíortha comhpháirtíochta. Is ionann an tSeirbhís Aonchineálach Gréasáin agus comhpháirt don chóras seo;
- (7) an córas cuótaí (TARIC3) arb ionann é agus córas sonraí tagartha le haghaidh feidhmchlár eile amhail an córas bainistíochta cuótaí (QUOTA2), an córas bainistíochta agus faireacháin um fhaireachas (SURV2), an Córas Faisnéise um Tharairí Ceangailteacha (EBTI3), agus an Fardal Eorpach Custaim maidir le Substaintí Ceimiceacha (ECICS2). Tá na feidhmchláir a bhaineann leis an Ainmníocht Chomhcheangailte (AC) agus le fionraíochtaí (Fionraíochtaí) ag bainistiú faisnéis dhlíthiúil a bhfuil nasc díreach aici leis an gcóras taraifí;
- (8) na feidhmchláir chun críocha rialaithe, go háirithe an Córas Bainistíochta Eiseamal (SMS) agus an Córas Faisnéise um Nósanna Imeachta a Phróiseáil (ISPP);
- (9) an córas frith-ghóchumtha agus frith-phíoráideachta (COPIS);
- (10) an Córas Scaipthe Sonraí (DDS2) lena mbainistítear an fhaisnéis uile a bhfuil rochtain ag an bpobal uirthi tríd an Idirlíon;
- (11) an Córas Faisnéise Frith-Chalaoise (AFIS); agus
- (12) aon chórais eile san áireamh sa phlean straitéiseach ilbhliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 8(2) de Chinneadh Uimh. 70/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ agus i gcomharbhaí an phlean sin.

B. Is iad comhpháirteanna Aontais na gcóras Eorpach faisnéise:

- (1) sócmhainní TF amhail cruá-earraí, bogearraí agus naisc líonra na gcóras lena n-áirítear an bonneagar sonraí gaolmhar;

⁽¹⁾ Cinneadh Uimh. 70/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le timpeallacht chustaim gan pháipéar i gcomhair custaim agus trádála (IO L 23, 26.1.2008, lch. 25).

-
- (2) seirbhísí TF is gá chun tacú leis na córais a fhorbairt, a chothabháil, a fheabhsú agus a oibriú; agus
- (3) agus aon eilimintí eile atá, ar chúiseanna éifeachtúlachta, slándála agus cuíchóirithe, sainaitheanta ag an gCoimisiún mar comheilimintí ag na tíortha rannpháirteacha.
- C. Is iad na comhpáirteanna neamh-Aontais de na Córais Faisnéise Eorpacha iad na comhpáirteanna nach sainithnítear mar chomhpáirteanna Aontais i Roinn B.
-

IARSCRÍBHINN III

Leithdháileadh táscach cistí

Déanfar cistí a leithdháileadh go táscach do ghníomhaíochtaí incháilithe a liostaítear in Airteagal 7 mar a leanas:

Cineálacha gníomhaíochta	Scair den chlúdach airgeadais (i %)
Gníomhaíochtaí comhphárteacha	20 % ar a mhéid
Acmhainní TF a fhorbairt	75 % ar a laghad
Inniúlacht daonna a fhorbairt	5 % ar a mhéid

RIALACHÁN (AE) Uimh. 1295/2013 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE
an 11 Nollaig 2013

maidir le Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2014 go 2020) a bhunú agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1718/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1855/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1041/2009/CE

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 166(4), an chéad fhleasc d'Airteagal 167(5) agus Airteagal 173(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (1),

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún (2),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach (3),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá sé d'aidhm ag an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) aontas níos dlúithe a chur ar bun idir pobail na hEorpa agus tugann don Aontas an cúram, inter alia, chun rannchuidiú le borradh chultúir na mBallstát, ag urramú a n-éagsúlachta náisiúnta agus réigiúnaí agus ag an am céanna a áirithiú gur ann do na dálaí is gá d'iomáiochas thionscal an Aontais. Chuige sin, tacaíonn agus forlínann an tAontas, más gá, gníomhaíochtaí na mBallstát d'fhonn éagsúlacht chultúrtha agus teanga a urramú, i gcomhréir le hAirteagal 167 CFAE agus le Coinbhinsiún UNESCO 2005 ar Éagsúlacht Léirithe Cultúir a Chosaint agus a Chur Chun Cinn ("Coinbhinsiún UNESCO 2005"), treisíonn sé iomaíochas earrnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus éascaíonn sé oiriúnú d'athruithe tionsclaíocha.

(2) Tá tacaíocht an Aontais d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta bunaithe go príomha ar an taithí a fuarthas le clár an Aontais atá leagtha amach i gCinneadh Uimh. 1718/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (4) ("clár MEDIA"), Cinneadh Uimh. 1855/2006/CE ó Pharlaimint na

hEorpa agus ón gComhairle (5) ("Clár cultúir") agus Cinneadh Uimh. 1041/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (6) ("Clár MEDIA Mundus"). Rannchuidíonn Cinneadh 1622/2006/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (7) ("gníomh i leith Phríomhchathair Chultúir na hEorpa) agus Cinneadh Uimh. 1194/2011/EU ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (8) ("gníomh i leith an Lipéid Oidhreachta Eorpaí") le gníomhartha an Aontais chun tacú le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta.

(3) Leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gClár Oibre Eorpach don chultúr i ndomhan domhandaitheach, a d'fhormhuinigh an Chomhairle i rún an 16 Samhain 2007 (9) agus Parlaimint na hEorpa ina rún an 10 Aibreán 2008 (10), na cuspóirí do ghníomhaíochtaí todhchaíochta an Aontais d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta. Tá sé d'aidhm aige éagsúlacht chultúrtha agus idirphlé idirchultúrtha a chur chun cinn, an cultúr mar chatalaíoch don chruthaitheacht sa chreat le haghaidh fáis agus post agus an cultúr mar ghné ríthábhachtach de chaidreamh idirnáisiúnta an Aontais.

(4) Maidir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus go háirithe Airteagal 11, Airteagal 21 agus Airteagal 22 de, déanann earrnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta rannchuidiú tábhachtach leis an gcomhrac i gcoinne gach cineál idirdhealaithe lena n-áirítear ciníochas agus seineafóibe agus is ardán tábhachtach iad le haghaidh na saoirse tuairimí a nochtadh agus chun urraim d'éagsúlacht chultúrtha agus teanga a chur chun cinn.

(5) Le Coinbhinsiún Unesco 2005, a tháinig i bhfeidhm an 18 Márta 2007, agus a bhfuil an tAontas ina pháirtí ann, cuirtear in bhfios go láidir go bhfuil gné chultúrtha agus gné eacnamaíoch araon ag baint le gníomhaíochtaí cultúrtha, earraí cultúrtha agus seirbhísí cultúrtha, toisc go gcuireann siad féiniúlachtaí, luachanna agus bríonna in iúl, agus ní mór, dá bhrí sin, gan caitheamh leo amhail

(1) IO L 181, 21.6.2012, lch. 35.

(2) IO L 277, 13.9.2012, lch. 156.

(3) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Samhain 2013 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 5 Nollaig 2013

(4) Cinneadh Uimh. 1718/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2006 maidir le clár tacaíochta don earrnáil chlosamhairc Eorpach (MEDIA 2007) a chur chun feidhme (IO L 327, 24.11.2006, lch. 12).

(5) Cinneadh Uimh. 1855/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 lena mbunaítear an Clár Cultúir do n a blianta 2007 go 2013 (IO L 372, 27.12.2006, lch. 1).

(6) Cinneadh Uimh. 1041/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear clár comhair closamhairc le gairmithe ó thríú tíortha (MEDIA Mundus) (IO L 288, 4.11.2009, lch. 10).

(7) Cinneadh 1622/2006/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 lena mbunaítear gníomhaíocht Chomhphobail i leith imeacht Phríomhchathair Chultúir na hEorpa do na blianta 2007 go dtí 2019 (IO L 304, 03.11.2006, lch. 1).

(8) Cinneadh Uimh. 1194/2011/EU ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 lena mbunaítear gníomhaíocht Aontais Eorpaigh i leith an Lipéid Oidhreachta Eorpaí (IO L 303, 22.11.2011, lch. 1).

(9) IO C 287, 29.11.2007, lch. 1.

(10) IO C 247 E, 15.10.2009, lch. 32.

is nach bhfuil acu ach luach tráchtála amháin. Tá sé d'aidhm ag an gCoimhinsiún sin an comhar idirnáisiúnta a threisiú, lena n-áirítear comhaontuithe idirnáisiúnta comhléiriúcháin agus comhdháileacháin, agus an dlúthpháirtíocht a threisiú freisin d'fhonn léiriú cultúrtha na dtíortha agus na ndaoine aonair uile a chothú. Sonraítear ann freisin go bhfuil aird chuí le tabhairt d'imthosca agus riachtanais speisialta na ngrúpaí sóisialta éagsúla, lena n-áirítear daoine a bhaineann le mionlaigh. Dá réir sin, ba cheart go gothófaí éagsúlacht cultúr ar an leibhéal idirnáisiúnta le clár tacaíochta d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta i gcomhréir leis an gcoimhinsiún sin.

- (6) Ba cheart, freisin, go rannchuideofaí le feabhsú ar luach na láithreán ábhartha, agus go dtabharfaí, ag an am céanna, tuiscint do na pobail ar an úinéireacht atá acu ar luach cultúrtha agus stairiúil láithreán den sórt sin, tríd an oidhreacht chultúrtha inláimhsithe agus dholáimhsithe a chur chun cinn, i bhfianaise, inter alia, Choinbhinsiún 2003 Unesco maidir le Caomhnú na hOidhreacht Cultúrtha Doláimhsithe agus Choinbhinsiún 1972 Unesco maidir leis an Oidhreacht Dhomhanda, Chultúrtha agus Nádúrtha a Chosaint.
- (7) Sainítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal "Eoraip 2020 straitéis maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach" ("Straitéis Eoraip 2020"), straitéis lena ndírítear ar gheilleagar cliste, inbhuanaithe, agus uilechuimsitheach a dhéanamh de gheilleagar an Aontais, a mbeidh leibhéal arda fostaíochta, táirgiúlachta, agus comhtháthaithe shóisialta á soláthar ann. Sa straitéis sin, thug an Coimisiún dá aire gur gá don Aontas dálaí creata níos mealltaí a sholáthar le haghaidh nuálaíochta agus cruthaitheachta. Maidir leis sin, is foinsé smaointe nuálacha iad earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, smaointe ar féidir táirgí agus seirbhísí a chruthaíonn fás agus fostaíocht agus a chabhraíonn le dul i ngleic le hathruithe sa tsochaí a dhéanamh díobh. Ina theannta sin, tá barr feabhais agus iomaíochas sna hearnálacha sin, go príomha mar thoradh ar iarrachtaí ealaíontóirí, cruthaitheoirí agus gairmithe nach mór a chur chun cinn. Chun na críche sin, ba cheart rochtain ar mhaoiniú d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a fheabhsú.
- (8) Ina conclúidí maidir le seirbhísí faisnéise um shoghluais-teacht le haghaidh ealaíontóirí agus gairmithe cultúir⁽¹⁾, dhainnigh an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le soghluaisteacht ealaíontóirí agus gairmithe cultúir don Aontas agus chun a cuspóirí i Straitéis Eoraip 2020 a shaothrú, agus d'iarr sí ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún, ina réimsí inniúlachtaí faoi seach agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal na coimhdeachta, soláthar faisnéise atá cuimsitheach agus beacht d'ealaíontóirí agus do ghairmithe cultúir ar mian leo gluaisteacht laistigh den Aontas a éascú.
- (9) D'fhonn cur le feabhsú ar an réimse comhroinnte cultúir, tá sé tábhachtach soghluaisteacht thrasnáisiúnta ghníomhairí an chultúir agus na cruthaitheachta agus cúrsaíocht thrasnáisiúnta na saothar cruthaitheach agus cultúrtha, lena n-áirítear saothair agus táirgí closamhairc,

a chur chun cinn, agus, ar an tsli sin, malartuithe cultúr agus idirphlé idirchultúrachais a chur chun cinn.

- (10) Bhí cláir MEDIA, Cultúr agus MEDIA Mundus faoi réir faireacháin rialta agus meastóireachtaí seachtracha, agus eagraíodh comhairliúcháin phoiblí maidir lena dtodhchaí, ar comhairliúcháin iad as a dtagann sé chun solais go bhfuil ról an-tábhachtach ag na cláir sin ó thaobh éagsúlacht chultúrtha agus teanga na hEorpa a chosaint agus a chur chun cinn. Dealraíonn sé freisin ó na gníomhaíochtaí faireacháin, meastóireachta agus comhairliúcháin sin, chomh maith le ó staidéir neamhspleácha éagsúla, go háirithe an staidéar ar ghné fiontraíochta na dtionscal cultúrtha agus cruthaitheach, go bhfuil dúshlán chomónta os comhair earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, mar atá na hathruithe tapa arb é is cúis leo an t-aistriú digiteach agus domhandú, ilroinnt an mhargaidh a bhaineann le héagsúlacht teanga, deacrachtaí ó thaobh rochtain ar mhaoiniú, nósanna imeachta casta riaracháin agus easpa sonraí inchomparáide, a dteastaíonn gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais uathu uile.
- (11) Tá earnálacha Eorpacha an chultúir agus na cruthaitheachta éagsúlaithe feadh línte náisiúnta agus teanga, a bhfuil de thoradh air tírdhreach cultúir thar a bheith neamhspleách agus saibhir ó thaobh an chultúir de, a chuireann guth ar fáil do thraidisiúin chultúrtha éagsúla oidhreacht na hEorpa. Bíonn éagsúlacht den chineál sin, áfach, ina cúis le sraith bacainní freisin a chuireann bac ar chúrsaíocht thrasnáisiúnta riantúil saothar cultúrtha agus cruthaitheach agus a chuireann isteach ar shoghluais-teacht ghníomhairí an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh den Aontas agus lasmuigh de, rud a bhféadfadh éagothromaíochtaí geografacha agus, ina dhiaidh sin, rogha shrianta don tomhaltóir a bheith mar thoradh air.
- (12) Ós rud é gur príomhthréith d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta í an éagsúlacht teanga a mbíonn ilroinnt ó thaobh teangacha de mar thoradh uirthi i roinnt earnálacha, tá fotheidealú, dubáil, agus reacaireacht bunriachtanach maidir le saothair chultúrtha agus chruthaitheacha, lena n-áirítear saothair chlosamhairc, a chur i gcúrsaíocht.
- (13) Tá tionchar ollmhór ag an aistriú digiteach ar an gcaoi a ndéantar earraí agus seirbhísí cultúrtha agus cruthaitheacha, a mbainistítear iad, a scaiptear iad, a mbíonn rochtain orthu, a n-úsáidítear iad agus a gcuirtear luach airgid orthu. Cé gur cheart aitheantas a thabhairt don ghá atá le féachaint le cothromaíocht nua a bhaint amach idir inrochtaineacht saothar cruthaitheach agus cultúrtha a mhéadú, luach saothair cothrom a bheith ag ealaíontóirí agus cruthaitheoirí agus teacht chun cinn samhlacha gnó nua, cuireann na hathruithe atá ann mar thoradh ar an aistriú digiteach deiseanna leathana ar fáil d'earnálacha Eorpacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus do shocháil na hEorpa i gcoitinne. Féadfaidh costais dáilte níos ísle, bealaí nua dáileacháin, an acmhainn atá ann lucht éisteachta nua agus níos mó a fhorbairt, agus deiseanna nua do tháirgí nideoige rochtain a éascú agus cúrsaíocht saothar cultúrtha agus cruthaitheach ar fud an domhain a mhéadú. D'fhonn leas iomlán a bhaint as na deiseanna in agus oiriúnú do chomhthéacs an aistrithe dhigitigh agus domhandaithe, ní mór d'earnálacha

⁽¹⁾ IO C 175, 15.6.2011, lch. 5.

- an chultúir agus na cruthaitheachta scileanna nua a fhorbairt agus teastaíonn rochtain níos mó ar mhaoiniú uathu chun trealamh a uasghrádú, táirgeadh nua agus modhanna dáilte a fhorbairt agus a samhlacha gnó a oiriúnu.
- (14) Tá cleachtais reatha dáilte ina mbonn taca don chóras maoinithe do scannáin. Mar sin féin, tá gá níos mó agus níos mó poiblíocht a dhéanamh ar thairiscintí mealltacha dleathacha ar líne atá ag teacht chun cinn agus nuálaíocht a spreagadh. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, modhanna nua dáileacháin a chur chun cinn d'fhonn ligean do shamhlacha nua gnó teacht chun cinn.
- (15) Is saincheist leanúnach do go leor oibreoirí pictiúrlainne beaga, go háirithe oibreoirí scáileáin aonair, é digitiú na bpictiúrlann, mar gheall ar chostais arda an trealamh dhigitigh. Cé gur ag na Ballstáit go príomha atá inniúlacht i leith cultúir agus gur cheart dóibh dá bhrí sin leanúint de dhul i ngleic leis an tsaincheist seo ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, de réir mar is iomchuí, tá acmhainn mhaoinithe ann ó chlár agus ó chistí an Aontais, go háirithe na cinn sin atá dírithe ar fhorbairt áitiúil agus réigiúnach.
- (16) Ar mhaithe le lucht éisteachta a fhorbairt, go háirithe daoine óga, tá gá le gealltanais ar leith ó thaobh an Aontais, go háirithe, chun tacú le litearthacht meán agus scannáin.
- (17) Ar cheann de na dúshlán is mó d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, go háirithe do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus do mhicrea-eagraíochtaí agus d'eagraíochtaí beaga agus meánmhéide, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhbhrabúsghara agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, tá an deacracht atá le sárú acu maidir le rochtain a fháil ar na cistí a theastaíonn uathu chun a ngníomhaíochtaí a mhaoiniú, chun a n-iomaíochas a fhás, a chothabháil agus a mhéadú nó a ngníomhaíochtaí a idirnáisiúnu. Cé gur dúshlán comónta é seo do FBManna i gcoitinne, tá an cás i bhfad níos achrannaí in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta de bharr chomh doláimhsithe atá go leor dá gcuid sócmhainní, próifíl fréamhshamhla a ngníomhaíochtaí, agus an gá intreach atá acu le dul i riosca, turgnaimh a dhéanamh agus a bheith nuálaíoch. Ní mór go dtuigfeadh an earnáil airgeadais an dul i riosca agus go dtacódh sí leis.
- (18) Mar threoirthionscadal, is tionscnamh trasearnálach é Comhaontas Eorpach na dTionscal Cruthaitheach a thacaíonn go príomha leis na tionscail chruthaitheacha ar leibhéal beartais. Tá sé d'aidhm aige cistí breise a fháil do thionscail chruthaitheacha agus an t-éileamh ar sheirbhísí tionscal cruthaitheach a spreagadh i measc tionscal agus earnálacha eile. Déanfar tástáil ar uirlisí nua d'fhonn tacaíocht níos fearr a thabhairt do nuálaíocht i dtionscail chruthaitheacha agus déanfar gearáil orthu chun fónamh d'ardán foghlama beartais lena gcuimsítear páirtithe leasmhara Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha.
- (19) Trí cláir MEDIA, Cultúr agus MEDIA Mundus reatha d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a thabhairt le chéile laistigh de chlár réime aonair cuimsitheach ('an Clár'), thabharfaí tacaíocht níos éifeachtaí do FBManna agus do mhicrea-eagraíochtaí agus d'eagraíochtaí beaga agus meánmhéide ina gcuid iarrachtaí chun buntáiste a bhaint as na deiseanna a chuireann an t-aistriú digiteach agus domhandú ar fáil agus chabhrófaí leo dul i ngleic le saincheisteanna a bhfuil ilroinnt margaidh ag eascairt astu faoi láthair. D'fhonn a bheith éifeachtach, ba cheart don Chlár nádúr sonrath na n-earnálacha éagsúla, a spriocghrúpaí éagsúla agus a riachtanais shonracha a chur san áireamh trí chineálacha cur chuige sainoiriúnaithe laistigh de dhá fhochlár neamhspleácha agus de shraith thrasearnálach. Go háirithe, tá sé tábhachtach sineirgíochtaí a áirithiú ar an leibhéal cur chun feidhme idir an Clár agus na straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha le haghaidh speisialtóireachta cliste. Chuige sin, ba cheart go mbonúfaí, leis an gClár, struchtúr comhchuibhithe tacaíochta d'earnálacha difriúla an chultúir agus na cruthaitheachta arbh é a bheadh ann córas deontas arna chomhlánú le hionstraim airgeadais.
- (20) Le clár tacaíochta d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, ba cheart go gcuirfí san áireamh cineál déach an chultúir agus na ngníomhaíochtaí cultúrtha, agus aitheantas á thabhairt ar thaobh amháin do luach intreach agus ealaíonta an chultúir agus, ar an taobh eile, do luach eacnamaíoch na n-earnálacha sin, lena n-áirítear an méid a chuireann siad leis an gcruthaitheacht, leis an nuáil agus leis an gcuimsiú sóisialta sa tsochaí ina hiomláine.
- (21) Maidir le cur chun feidhme an Chláir, ba cheart luach intreach an chultúir agus nádúr sonrath earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a chur san áireamh, lena n-áirítear a thábhachtaí atá na heagraíochtaí neamhbhrabús agus na tionscadail a thagann faoin bhFochlár Cultúir.
- (22) Ba cheart d'ionstraim airgeadais féinmhaoinitheach, an tSaoráid Ráthaíochta Earnálacha an Chultúir agus na Cruthaitheachta ("an tSaoráid Ráthaíochta"), cur ar chumas earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta i gcoitinne fás, agus go soláthrófaí go sonrath gearáil leordhóthanach do ghníomhaíochtaí nua agus do dheiseanna nua. Ba cheart d'idirghabhálaithe airgeadais gníomhú i bhfabhar tionscadal i réimse an chultúir agus na cruthaitheachta chun punann chothrom iasachtaí a áirithiú i dtéarmaí clúdaigh gheografaigh agus ionadaithe earnálaigh. Ina theannta sin, tá ról tábhachtach ag eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha sa chomhthéacs seo, chun cur chuige leathan a bhaint amach faoin tSaoráid Ráthaíochta.
- (23) Ba cheart cistiú a sholáthar chomh maith do ghníomhaíocht Phríomhchathair Chultúir na hEorpa agus do riar ghníomhaíocht an Lipéid Oidhreachta Eorpaí, toisc go rannchuidíonn siad le muintearas le limistéar comhchultúir a threisiú, le hidirphlé idirchultúrtha agus comhthuisct a spreagadh agus le luach na hoidhreachta cultúrtha fheabhsú.

- (24) I dteannta Ballstát, agus tíortha agus críocha thar lear atá incháilithe chun páirt a ghlacadh sa Chlár, de bhun Airteagal 58 de Chinneadh 2001/822/CE ón gComhairle⁽¹⁾, ba cheart don Chlár a bheith oscailte freisin, faoi réir coinníollacha áirithe, do rannpháirtíocht thíortha de chuid Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) ar pháirtithe iad sa Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) agus do rannpháirtíocht thíortha de chuid Chónaidhm na hEilvéise. Ba cheart go bhféadfadh tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha a bhaineann tairbhe as straitéis réamhaontachais agus tíortha atá cumhdaithe ag an mBeartas Eorpach um Chomharsanacht a bheith rannpháirteach sa Chlár freisin, seachas a mhéid a bhaineann leis an tSaoráid Ráthaíochta.
- (25) Ba cheart don Chlár a bheith ar fáil freisin do ghníomhaíochtaí comhair dhéthaobhaigh nó iltaobhaigh le tríú tíortha eile ar bhonn leithreasáí breise atá le sainiú agus scrúithe sonraigh atá le comhaontú leis na páirtithe lena mbaineann.
- (26) Ba cheart comhar sna réimsí cultúir agus closamhairc idir an Clár agus eagraíochtaí idirnáisiúnta amháil Unesco, Comhairle na hEorpa, an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) agus an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) a chothú.
- (27) Is gá breisluach Eorpach na ngníomhaíochtaí uile a dhéantar faoin gClár a áirithiú, mar aon leis an gcaoi a gcomhlánaítear gníomhaíochtaí na mBallstát leo agus an chaoi a gcomhlíontar Airteagal 167(4) CFAE leo agus an chaoi a bhfuil siad i gcomhréir le gníomhaíochtaí eile an Aontais, go háirithe i réimsí an oideachais, na fostaíochta, an mhargaidh inmheánaigh, na fiontraíochta, na hóige, na sláinte, na saoránachta agus an cheartais, an taighde agus na nuálaíochta, an bheartais tionscail agus comhtháthaithe, na turasóireachta agus an chaidrimh sheachtraigh, na trádála agus forbartha agus an chlár oibre dhigitigh.
- (28) I gcomhlíonadh na bprionsabal do mheasúnú lena mbaineann feidhmíocht, ba cheart go n-áireofaí leis na nósanna imeachta le haghaidh fhaireachán agus mheasúnú an chlár Chláir tuarascálacha mionsonraithe bliantúla agus ba cheart tagairt a dhéanamh iontu do spriocanna agus táscairí sonracha, intomhaiste, indéanta, ábhartha agus faoi cheangal ama, lena n-áirítear cinn cháilíochtúla. Ba cheart go gcuirfí san áireamh, leis na nósanna imeachta faireacháin agus meastóireachta, obair na ngníomhaithe ábhartha, amháil Eurostat agus torthaí an tionscadail ESS-net Culture, agus Institiúid UNESCOUNESCO um Staidreamh.
- (29) Chun a áirithiú go ndéanfar faireachán agus measúnú barrmhaith ar an gClár i rith ré iomlán an Chláir, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla breise a ghlacadh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.
- (30) Mar a shonraítear i dtuarascáil an Choimisiúin an 30 Iúil 2010 ar thionchar Parlaimint na hEorpa agus Cinní ón gComhairle lena modhnaítear bunúis dlí na gClár Eorpach i réimsí na Foghlama ar feadh an tSaoil, an Chultúir, na hÓige agus na Saoránachta, tá an giorrú suntasach a rinneadh ar na moilleanna i nósanna imeachta bainistíochta tar éis éifeachtúlacht na gclár a mhéadú. Ba cheart cúram ar leith a ghlacadh chun a áirithiú go leanfar de nósanna imeachta riaracháin agus airgeadais a shimplíú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as córais fónta agus oibiachtúla, a thugtar chun dáta go tráthrialta, chun cnaphuimeanna, costais aonaid agus maoiniú ar ráta comhréidh a chinneadh.
- (31) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾.
- (32) I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle⁽³⁾, ó bhí 2009 ann tá an Coimisiún tar éis cúraimí cur chun feidhme a chur ar iontaobh na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir as bainistiú gníomhaíochtaí Aontais i réimse an oideachais, an chlosamhairc agus an chultúir. Dá bhrí sin, ar bhonn anailís chostais agus sochair, féadfaidh an Coimisiún úsáid a bhaint as gníomhaireacht feidhmiúcháin reatha chun an Clár a chur chun feidhme, dá bhforáiltear sa Rialachán sin.
- (33) Leagtar síos sa Rialachán, d'fhad iomlán an Chláir, imchlúdach airgeadais de EUR ... arb éard a bheidh ann an príomh-mhéid tagartha de réir bhrí pointe 17 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún

(2) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(3) Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin maidir le clár Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

(1) Cinneadh 2001/822/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2001 maidir le comhlachú na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an gComhphobal Eorpach ("An Cinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear") (IO L 314, 22.11.2011, lch. 1).

maidir le smacht buiséadach, comhar i nithe buiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais⁽¹⁾, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

(34) Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhíthin beart comhréireach ar feadh an timthrialla caiteachais, lena n-áirítear bearta maidir le neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, cistí a cailleadh, a íocadh go míchuí nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, pionóis riaracháin agus airgeadais a ghearradh, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾ ("an Rialachán Airgeadais").

(35) Maidir leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus de bhun Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle⁽³⁾ agus Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁴⁾, ba cheart bearta iomchuí a tharraingt suas agus a chur chun feidhme chun calaois a chosc agus chun cistí a cailleadh nó a aistríodh nó a úsáideadh go míchuí a aisghabháil.

(36) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit, i bhfianaise shaintréith thrasnáisiúnta agus idirnáisiúnta na ngníomhaíochtaí beartaithe, cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon éagsúlacht chultúrtha agus teanga na hEorpa a choimirciú, a fhorbairt agus a chur chun cinn agus oidhreacht chultúrtha na hEorpa a chur chun cinn agus iomaíochas earnálacha Eorpacha an chultúir agus na cruthaitheachta, go háirithe iomaíochas eanáil an chlosamhairc, a neartú, a bhaint amach go leordhóthanach agusgur féidir, de bharr fairsinge agus éifeachtaí tuartha na ngníomhaíochtaí, iad a bhaint amach níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach;

(37) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Uimh. 1718/2006/CE, Cinneadh 1855/2006/CE agus Cinneadh 1041/2009/CE a aisghairm

(38) Ba cheart forálacha a dhéanamh do bhearta a rialaíonn an t-aistriú ó chlár MEDIA, Cultúr agus MEDIA Mundus chuig an gClár,

⁽¹⁾ IO C 420, 20.12.2013, lch. 1

⁽²⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aighairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002. (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1)

⁽³⁾ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 1999 maidir le himscrúdúithe arna seoladh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) (IO L 136, 31.5.1999, lch. 1).

(39) Chun an leanúnachas a áirithiú sa tacaíocht chistiúcháin a thugtar leis an gClár seo, ba cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2014. Ar chúiseanna práinne, ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm a luaithe is féidir tar éis a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh,

(40) Chun leanúnachas a áirithiú maidir leis an tacaíocht cistithe arna soláthar faoin gClár, ba cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2014. Ar chúiseanna práinne, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm a luath agus is féidir tar éis a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta

Airteagal 1

Bunú agus ré

1. Bunaítear leis an Rialachán seo Clár Eorpa na Cruthaitheachta chun tacaíocht a thabhairt d'earnálacha Eorpacha an chultúir agus na cruthaitheachta ('an Clár').

2. Cuirfear an Clár chun feidhme don tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020.

Airteagal 2

Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta' gach eanáil a bhfuil a ngníomhaíochtaí bunaithe ar luachanna cultúrtha agus/nó ar léirithe ealaíonta nó léirithe eile cruthaitheacha, bíodh nó ná bíodh na ngníomhaíochtaí sin dírithe ar an margadhagus cibé cineál struchtúir trína gcuirtear i gcrích iad, agus beag beann ar an tslí a mhaoinítear an struchtúr sin. Áirítear leis na ngníomhaíochtaí sin forbairt, cruthú, táirgeadh, scaipeadh agus caomhnú earraí agus seirbhísí a chorpraíonn léirithe cultúrtha nó ealaíonta nó léirithe eile cruthaitheachta, chomh maith le feidhmeanna gaolmhara amhail oideachas nó bainistíocht. Áirítear ar eárnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta inter alia: ailtireacht, cartlanna, leabharlanna agus músaeim, ceardaíocht ealaíonta, ciosamhairc (lena n-áirítear scannáin, teilifís, físchluichí agus ilmheáin), oidhreacht chultúrtha, inlámhsithe agus dholámhsithe, dearadh, féilte, ceol, litríocht, taibhealaíona, foilsitheoireacht, raidió agus na hamharcealaíona;

(2) ciallaíonn 'FBManna' micreafhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide mar a shainmhínítear iad i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún⁽⁵⁾.

⁽⁵⁾ Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micreafhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

- (3) ciallaíonn 'idirghabhálaithe airgeadais rannpháirteacha' idirghabhálaithe airgeadais de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 139(4) den An Rialachán Airgeadais, arna roghnú faoi Shaoráid Rátháíochta Earnálacha an Chultúir agus na Cruthaitheachta ("an tSaoráid Rátháíochta") i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais agus le hlarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, a sholáthraíonn nó a bhfuil sé beartaithe acu an méid a leanas a sholáthar:
- (a) iasachtaí chuig FBManna agus chuig micrea-eagraíochtaí, eagraíochtaí beaga agus eagraíochtaí meánmhéide in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta (rátháíochtaí ón gCiste Eorpach Infheistíochta ("CEF")); nó
- (b) rátháíochtaí d'iasachtaí chuig idirghabhálaithe airgeadais eile a sholáthraíonn iasachtaí chuig FBManna agus chuig micrea-eagraíochtaí, eagraíochtaí beaga agus eagraíochtaí meánmhéide in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta (frith-rátháíochtaí ón CEF);
- (4) ciallaíonn 'soláthraí forbartha cumais' eintitis atá in ann saineolas a sholáthar i gcomhréir le hlarscríbhinn I chun go mbeidh idirghabhálaithe airgeadais rannpháirteacha in ann measúnú éifeachtach a dhéanamh ar shainiúlachtaí agus ar rioscaí a bhaineann le FBManna agus le micrea-eagraíochtaí, eagraíochtaí beaga agus eagraíochtaí meánmhéide in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus lena dtionscadail.

Airteagal 3

Cuspóirí ginearálta

Beidh na cuspóirí ginearálta seo a leanas ag an gClár:

- (a) éagsúlacht chultúrtha agus teanga Eorpach a chosaint, a fhorbairt agus a chur chun cinn agus oidhreacht chultúrtha na hEorpa a chur chun cinn;
- (b) iomaíochas earnálacha Eorpacha an chultúir agus na cruthaitheachta, go háirithe iomaíochas earnáil an chlosamhairc, a neartú d'fhonn fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn.

Airteagal 4

Cuspóirí sonracha

Beidh na cuspóirí sonracha seo a leanas ag an gClár:

- (a) tacú le cumas earnálacha Eorpacha an chultúir agus na cruthaitheachta chun oibriú go trasnáisiúnta agus go hidirnáisiúnta;
- (b) cúrsaíocht thrasnáisiúnta saothar cultúir agus cruthaitheachta agus soghluaisteacht thrasnáisiúnta ghníomhairí an chultúir agus na cruthaitheachta, go háirithe ealaíontóirí, a chur chun cinn, chomh maith le dul i gcion ar lucht féachana nua agus lucht féachana níos mó agus feabhas a chur ar rochtain ar shaothair chultúrtha agus chruthaitheachta san Aontas agus lasmuigh de, agus aird ar leith á tabhairt ar leanaí, ar dhaoine óga, ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar na grúpaí tearcionadaithe;
- (c) cumas airgeadais FBManna agus micrea-eagraíochtaí, eagraíochtaí beaga agus eagraíochtaí meánmhéide sna hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta a neartú ar

bhealach inbhuanaithe, agus ag ana m céanna féachaint le clúdach cothrom geografach agus ionadú cothrom earnálach a áirithiú;

- (d) forbairt beartais, an nuálaíocht, an chruthaitheacht, forbairt an lucht féachana agus samhlacha nua gnó agus bainistíochta a chothú trí thacaíocht a thabhairt don chomhar trasnáisiúnta maidir le beartas.

Airteagal 5

Breisluch Eorpach

1. Agus aitheantas á thabhairt do luach intreach agus eacnamaíoch an chultúir, tacóidh an Clár le gníomhaíochtaí a bhfuil breisluch Eorpach ag roinnt leo in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta. Rannchuideoidh sé le cuspóirí na Straitéise Eoraip 2020 agus a cuid tionscnamh suaitheanta a bhaint amach.

2. Áiríteofar breisluch Eorpach trí cheann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

- (a) gné thrasnáisiúnta gníomhaíochtaí a dhéanann cláir agus beartais réigiúnacha, náisiúnta, agus idirnáisiúnta agus cláir agus beartais eile de chuid an Aontais a chomhlánú, agus an tionchar a bheidh ag gníomhaíochtaí den sórt sin ar earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta chomh maith leis ar shaoránaigh agus ar an eolas atá acu ar chultúir seachas a gcultúir féin;
- (b) an comhar thrasnáisiúnta idir gníomhairí an chultúir agus na cruthaitheachta lena n-áirítear ealaíontóirí, gairmithe ciosamhairc, eagraíochtaí cultúir agus cruthaitheachta agus oibreoirí ciosamhairc a fhorbairt agus a chur chun cinn, ar comhar é atá dírithe ar fhreagairtí níos cuimsithí, níos gasta, níos éifeachtaí agus níos fadtéarmaí do dhúshláin dhomhanda a spreagadh;
- (c) na barainneachtaí scála agus an mhais chriticiúil a chothaíonn tacaíocht an Aontais ag cruthú éifeachta gearála le haghaidh cistí breise
- (d) machaire níos réidhe a áirithiú in earnálacha Eorpacha an chultúir agus na cruthaitheachta trí thíortha ag a bhfuil cumas táirgeachta íseal nó tíortha nó réigiúin a bhfuil limistéar srianta geografach agus/nó teanga iontu a chur san áireamh.

Airteagal 6

Struchtúr an Chláir

Cuimseofar sa Chlár na sraitheanna seo a leanas:

- (a) Fochlár MEDIA;
- (b) Fochlár Cultúir;
- (c) Sraith Thrasearnála.

*Airteagal 7***Lógónna na bhFochlár**

1. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh an Clár infheicthe trí úsáid a bhaint as lógónna, a bhainfidh go sonrath le gach aon cheann de na Fochláir.
2. Bainfidh tairbhíthe Fhochláir MEDIA úsáid as an lógó a leagtar amach in Iarscríbhinn Ia. Déanfaidh an Coimisiún mionsonraí breise maidir le húsáid an lógó agus cuirfidh sé na tairbhíthe ar an eolas fúthu.
3. Úsáidfidh tairbhíthe Fhochláir Cultúir lógó a bheidh bunaithe ag an gCoimisiún. Déanfaidh an Coimisiún mionsonraí breise maidir le húsáid an lógó sin a bhunú agus cuirfidh sé na tairbhíthe ar an eolas fúthu.
4. Beidh an Coimisiún agus na Deasca um Eoraip na Cruthaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 16 i dteideal lógónna na bhFochlár a úsáid freisin.

*Airteagal 8***Rochtain ar an gClár**

1. Cothófar, leis an gClár, éagsúlacht chultúrtha ar leibhéal idirnáisiúnta i gcomhréir le Coinbhinsiún UNESCO 2005.
2. Beidh an Clár oscailte do rannpháirtíocht na mBallstát.
3. Gan dochar do mhír 2a, beidh an Clár oscailte freisin do rannpháirtíocht na dtíortha seo a leanas, ar choinníoll go n-íocfaidh siad leithreasáí breise agus, i gcás Fhochláir MEDIA, go gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach i dTreoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾:
 - (a) tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí mar aon le tíortha is iarrthóirí ionchasacha atá ag baint tairbhíthe as straitéis réamhaontachais, i gcomhréir leis na príonsabail ghinearálta agus leis na téarmaí agus na coinníollacha ginearálta maidir le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gclár an Aontais a bunaíodh leis na Comhaontuithe Réime, na Cinní ó Chomhairle Comhlachaithe nó na comhaontuithe comhchosúla faoi seach;
 - (b) na tíortha CSTE sin ar pháirtithe iad den (Comhaontú LEE), i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe sin;
 - (c) Cónaidhm na hEilvéise, ar bhonn comhaontaithe dhéthaobhaigh leis an tír sin;
 - (d) tíortha atá cumhdaithe leis an IonstraimEorpach um Chomharsanacht agus Chomhpháirtíocht i gcomhréir leis an nós imeachta arna sainiú leis na tíortha sin i ndiaidh na gcomhaontuithe réime lena bhforáiltear dá rannpháirtíocht i gclár an Aontais.

⁽¹⁾ Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe atá leagtha síos leis an dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit i dtaobh seirbhísí meán chlosamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc) (IO L 95, 15.4.2010, lch. 1).

4. Na tíortha dá dtagraítear i bpointí (a) agus (d) de mhír 3, cuirfear bac orthu ó bheith rannpháirteach sa tSaoráid Ráthaíochta.

5. Beidh an Clár ar fáil do ghníomhaíochtaí den chomhar déthaobhach nó iltaobhach atá dírithe ar thíortha nó ar réigiúin ar bhonn leithreasáí breise arna n-íoc ag na tíortha nó na réigiúin sin agus ar bhonn socruithe sonracha a bheidh le comhaontú leo.

6. Ceadófar leis an gClár comhar agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha le tíortha nach bhfuil rannpháirteach sa Chlár agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta atá gníomhach in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta amhail UNESCO, Comhairle na hEorpa, ECFE nó EDMÍ ar bhonn ranníocaíochtaí comhpháirteacha chun cuspóirí an Chláir a réadú.

*CAIBIDIL II***Fochlár MEDIA***Airteagal 9***Tosaíochtaí Fhochlár MEDIA**

1. Beidh siad seo a leanas mar thosaíochtaí i réimse atreisiú chumas na earnála chlosamhairc Eorpaí oibriú go trasnáisiúnta:
 - (a) fáil agus feabhsú scileanna agus inniúlachtaí gairmithe na hearnála chlosamhairc a éascú, agus forbairt líonraí a éascú, lena n-áirítear úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha chun oiriúnú d'fhorbairt an mhargaidh a áirithiú, cineálacha nua cur chuige i leith fhorbairt an lucht féachana a thástáil agus samhla nua gnó a thástáil;
 - (b) cumas oibreoirí chlosamhairc a mhéadú chun saothair chlosamhairc Eorpacha a fhorbairt a d'fhéadfaí a chur i gcúrsaíocht san Aontas agus níos faide i gcéin agus chun an comhléiriúchán Eorpach agus idirnáisiúnta a éascú, lena n-áirítear le craoltóirí teilifíse;
 - (c) malartuithe gnó le gnó a spreagadh trí rochtain ar mhargáí agus ar uirlisí gnó a éascú lena gcuirfear ar cumas oibreoirí chlosamhairc infheictheacht a dtionscadal ar mhargáí an Aontais agus ar mhargáí idirnáisiúnta a mhéadú.
2. Beidh siad seo a leanas mar thosaíochtaí maidir le cúrsaíocht thrasnáisiúnta a chur chun cinn:
 - (a) tacú leis an dáileadh amharclannaíochta trí mhargáíocht thrasnáisiúnta, brandáil thrasnáisiúnta, dáileadh thrasnáisiúnta agus taispeántas thrasnáisiúnta de shaothair chlosamhairc;
 - (b) margáíocht thrasnáisiúnta, brandáil thrasnáisiúnta agus dáileadh thrasnáisiúnta de shaothair chlosamhairc a chur chun cinn ar gach ardán eile nach ardán amharclannaíochta é;

- (c) tacú le forbairt an lucht féachana mar mhodh chun suim a spreagadh i saothair chlosamhairc Eorpacha, agus chun feabhas a chur ar an rochtain orthu, go háirithe tríd an gcur chun cinn, trí imeachtaí, trí litearthacht i scannáin agus trí fhéilte;
- (d) modhanna nua dáileacháin a chur chun cinn chun deis a thabhairt do shamhlacha nua gnó teacht chun cinn.

Airteagal 10

Bearta tacaíochta Fhochlár MEDIA

D'fhonn na tosaíochtaí a leagtar amach in Airteagal 9 a chur chun feidhme, soláthrófar tacaíocht le Fochlár MEDIA don mhéid seo a leanas:

- (a) raon cuimsitheach de bhearta oiliúna a fhorbairt lena gcuirtear chun cinn fáil agus feabhsú scileanna agus inniúlachtaí ag gairmithe na hearnála closamhairc, tionscnaimh roinnte eolais agus líonraithe, lena n-áirítear lánpháirtíú na dteicneolaíochtaí digiteacha;
- (b) saothar closamhairc Eorpach a fhorbairt go háirithe scannáin agus saothair theilifíse amhail ficsean, cláir faisnéise agus scannáin do leanaí agus scannáin bheochana, chomh maith le saothair idirghníomhacha amhail físchluichí agus ilmheáin a bhfuil cumas níos fearr maidir le cúrsaíocht trasteorann iontu;
- (c) gníomhaíochtaí lena ndíreofaí ar thacú le cuideachtaí léiriúcháin closamhairc Eorpacha, go háirithe cuideachtaí léiriúcháin neamhspleácha, d'fhonn comhléiriúcháin Eorpacha agus idirnáisiúnta de shaothair chlosamhairc a éascú, lena n-áirítear saothair theilifíse;
- (d) gníomhaíochtaí lena gcabhrófaí le comhpháirtithe Eorpacha agus idirnáisiúnta comhléiriúcháin teacht le chéile agus/nó tacaíocht indíreach a thabhairt do shaothair chlosamhairc arna gcomhléiriú ag cistí tacaíochta comhléiriúcháin idirnáisiúnta atá bunaithe i dtír atá rannpháirteach sa Chlár;
- (e) rochtain ar imeachtaí trádála agus ar mhargaí gairmiúla réimse an chlosamhairc a éascú agus úsáid uirlisí gnó ar líne a éascú laistigh den Aontas agus lasmuigh di;
- (f) córais tacaíochta a bhunú chun scannáin Eorpacha neamhnáisiúnta a dháileadh tríd an dáileadh amharclan-naíochta agus ar ardáin eile agus le haghaidh gníomhaíochtaí idirnáisiúnta díolacháin, go háirithe fotheidealú, dubáil, agus reacaireacht a chur le saothair chlosamhairc;
- (g) cúrsaíocht scannán Eorpach ar fud na cruinne agus scannán idirnáisiúnta san Aontas a éascú ar gach ardán dáileacháin, trí thionscadail chomhair idirnáisiúnta in earnáil an chlosamhairc;
- (h) gréasán oibreoirí pictiúrlainne Eorpacha a mbeadh cion suntasach de scannáin Eorpacha neamhnáisiúnta á thaispeáint aige;

- (i) tionscnaimh lena gcuirfí i láthair agus lena gcuirfí chun cinn réimse éagsúlachta de shaothair chlosamhairc Eorpacha, lena n-áirítear gearrscannáin, amhail féilte agus ócáidí eile fógraíochta;
- (j) gníomhaíochtaí lena ndíreofaí ar litearthacht scannáin a chur chun cinn agus ar eolas agus spéis an lucht féachana a mhéadú i ndáil le saothair chlosamhairc Eorpacha, lena n-áirítear oidhreacht an chlosamhairc agus na cineamatagrafaíochta, go háirithe i measc lucht éisteachta óg;
- (k) gníomhaíochtaí nuálacha lena ndéanfaí samhlacha agus uirlisí nua gnó a thástáil i réimsí ar dóigh tionchar a bheith orthu ag tabhairt isteach agus úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha.

Airteagal 11

Faireachlann Eorpach Closamhairc

1. Beidh an tAontas ina chomhalta den Fhaireachlann Eorpach Closamhairc ar feadh ré an Chláir ("an Fhaireachlann").
2. Rannchuideoidh rannpháirtíocht an Aontais san Fhaireachlann le saothrú tosaíochtaí an Fhochláir MEDIA ar na modhanna seo a leanas:
 - (a) trédhearcacht agus bunú machaire níos réidhe a spreagadh maidir le hinrochtaineacht na faisnéise dlí agus airgeadais/margaidh agus rannchuidiú le hinchomparáideacht na faisnéise dlí agus staidrimh;
 - (b) sonraí agus anailís ar an margadh a sholáthar atá úsáideach chun línte gníomhaíochta an Fhochláir MEDIA a shainiú agus chun an tionchar a imríonn siad ar an margadh a mheasúnú.
3. Déanfaidh an Coimisiún ionadaíocht ar an Aontas ina dhéileálacha leis an bhFaireachlann.

CAIBIDIL III

Fochlár Cultúir

Airteagal 12

Tosaíochtaí Fhochlár Cultúir

1. Beidh siad seo a leanas mar thosaíochtaí i réimse atreisiú chumas earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta chun oibriú go trasnáisiúnta:
 - (a) tacú le gníomhaíochtaí lena gcuirfeadh na scileanna, na hinniúlachtaí agus an fios gnó ar fáil do ghníomhairí an chultúir agus na cruthaitheachta ar gníomhaíochtaí iad a rannchuideoidh le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a neartú, lena n-áirítear oiriúnú do theicneolaíochtaí digiteacha a spreagadh, cineálacha nuálacha cur chuige i leith fhorbairt an lucht féachana a thástáil agus samhlacha nua gnó agus bainistithe a thástáil;

(b) tacú le gníomhaíochtaí lena gcuirfear ar chumas ghníomhairí an chultúir agus na cruthaitheachta comhoibriú go hidirnáisiúnta agus a ngairmeacha beatha agus a ngníomhaíochtaí a idirnáisiúnta san Aontas agus níos faide i gcéin, ar bhonn straitéisí fadtéarmacha nuair is féidir;

(c) tacaíocht a chur ar fáil chun eagraíochtaí Eorpacha cultúir agus cruthaitheachta agus líonrú idirnáisiúnta a threisiú d'fhonn rochtain ar dheiseanna gairmiúla a éascú.

2. Beidh siad seo a leanas mar thosaíochtaí maidir leis an gcúrsaíocht thrasnáisiúnta agus maidir leis an tsoghluaisteacht thrasnáisiúnta a chur chun cinn:

(a) tacú le turasóireacht, le himeachtaí, le taispeántais agus le féilte idirnáisiúnta;

(b) tacú le cúrsaíocht litríocht na Eorpa d'fhonn an inrochtaineacht is leithne is féidir a áirithiú;

(c) tacú le forbairt an lucht féachana mar mhodh chun suim a spreagadh i saothair chultúrtha agus chruthaitheacha Eorpacha agus in oidhreacht chultúrtha inlámhsithe agus dholámhsithe na hEorpa agus chun feabhas a chur ar an rochtain orthu.

Airteagal 13

Bearta tacaíochta Fhoclár Cultúir

1. D'fhonn na tosaíochtaí a leagtar amach in Airteagal 12 a chur chun feidhme, soláthrófar tacaíocht leis an bhFoclár Cultúir do na nithe seo a leanas:

(a) tionscadail um chomhar trasnáisiúnta lena dtabharfar eagraíochtaí cultúir agus cruthaitheachta ó thíortha éagsúla le chéile chun tabhairt faoi gníomhaíochtaí earnálacha nó trasearnálacha;

(b) gníomhaíochtaí a dhéanfaidh líonraí Eorpacha d'eagraíochtaí cultúir agus cruthaitheachta ó thíortha éagsúla;

(c) gníomhaíochtaí a dhéanfaidh eagraíochtaí a bhfuil gairm Eorpach acu lena gcothófar forbairt nuathallann agus lena spreagfar soghluaisteacht thrasnáisiúnta ghníomhaithe an chultúir agus na cruthaitheachta agus cúrsaíocht na saothar, a bhfuil sé de chumas iontu tionchar forleathan a imirt ar earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, agus foráil d'éifeachtaí marthanacha;

(d) aistriúchán liteartha agus a thuilleadh cur chun cinn de;

(e) gníomhaíochtaí speisialta a mbeidh sé d'aidhm acu saibhreas agus éagsúlacht na gcultúr Eorpach a dhéanamh níos infheicthe, agus idirphlé idirchultúrtha agus comhthuisceant a spreagadh, lena n-áirítear duaiseanna cultúrtha an Aontais, an gníomh um Lipéad Oidhreachta Eorpaí agus an gníomh um Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa.

2. Beidh na bearta a leagtar amach i mír 1 dírithe, go háirithe, ar thionscadail neamhbhrabúis.

CAIBIDIL IV

An tSraith Thrasearnálach

Airteagal 14

Saoráid Ráthaíochta Earnálacha an Chultúir agus na Cruthaitheachta

1. Bunóidh an Coimisiún Saoráid Ráthaíochta a bheidh dírithe ar earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta.

Feidhmeoidh an tSaoráid Ráthaíochta mar ionstraim neamhspleách agus bunófar agus bainistíofar í i gcomhréir le Teideal VIII den Rialachán Airgeadais.

2. Beidh na tosaíochtaí seo a leanas ag an tSaoráid Ráthaíochta:

(a) rochtain ar airgeadas a éascú do FBManna agus do mhicreaeagraíochtaí, eagraíochtaí beaga agus eagraíochtaí meánmhéide sna hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta;

(b) feabhas a chur ar chumas na n-idirghabhálaithe airgeadais rannpháirteacha measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le FBManna agus micreaeagraíochtaí, eagraíochtaí beaga agus eagraíochtaí meánmhéide in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus lena gcuid tionscadal, lena n-áirítear trí bhearta cúnamh theicniúil, tógála eolais agus líonraithe.

Cuirfear na tosaíochtaí chun feidhme i gcomhréir le hlarscríbhinn I.

3. I gcomhréir le hAirteagal 139(4) den Rialachán Airgeadais, cuirfidh an Coimisiún an tSaoráid Ráthaíochta chun feidhme i modh bainistithe indírigh trí chúraimí a chur ar iontaoibh CEI dá dtagraítear i bpointe (iii) d'Airteagal 58(1)(c) den Rialachán Airgeadais sin, faoi réir théarmaí an chomhaontaithe a thabharfaidh an Coimisiún agus an CEI i gcrích.

Airteagal 15

Comhar trasnáisiúnta beartais

1. D'fhonn comhar trasnáisiúnta maidir le beartas a chur chun cinn, tacadh an tSraith Thrasearnála leis an méid seo a leanas:

(a) malartú trasnáisiúnta na taithí agus an fheasa gnó maidir le samhlacha nua gnó agus bainistithe, gníomhaíochtaí piarfhoghlama agus líonrú i measc na n-eagraíochtaí cultúir agus cruthaitheachta agus lucht ceaptha beartas, a bhfuil baint acu le forbairt earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, agus an líonrú digiteach á chur chun cinn i gcás inarb iomchuí;

(b) sonraí margaidh a bhailiú, staidéir, anailís ar riachtanais mhargadh an tsaothair agus ar riachtanais scileanna, anailís ar bheartais chultúrtha náisiúnta agus Eorpacha agus tacaíocht do shuirbhéanna staidrimh bunaithe ar uirlisí agus ar chritéir a bhaineann go sonrach le gach earnáil ar leith agus meastóireachtaí lena n-áirítear gach gné d'éifeacht an Chláir a thomhas;

(c) an táille ranníocáochta le haghaidh ballraíocht an Aontais san Fhaireachlann lena gcothófar bailiú sonraí agus anailís a dhéanamh in earnáil an chlosamhairc a íoc;

- (d) tástáil cineálacha cur chuige nua agus trasearnálach gnó maidir le cistiú, dáileadh, agus luach airgid a chur ar chruthú;
- (e) comhdhálacha, seimineáir agus idirphlé ar bheartais lena n-áirítear i réimse na litearthachta cultúrtha agus litearthacht na meán, agus an líonrú digiteach á chur chun cinn i gcás inarb iomchuí;
- (f) a gcuid cúraimí á gcur i gcrích ag na Deasca um Eoraip na Cruthaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 16.

2. Faoin 30 Meitheamh 2014, cuirfidh an Coimisiún staidéar indéantachta i gcrích féachaint an bhféadfaí sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta seachas earnáil an chlosamhairc, agus tiolacfaidh sé torthaí an staidéir sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

Ag brath ar thorthaí an staidéir indéantachta, féadfaidh an Coimisiún togra a thíolacadh chun an Rialachán seo a leasú chun a áirithiú go mbaileofar sonraí agus go ndéanfar anailís orthu in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta seachas earnáil an chlosamhairc.

Airteagal 16

Deasca um Eoraip na Cruthaitheachta

- Bunóidh na tíortha atá rannpháirteach sa chlár, agus iad ag gníomhú leis an gCoimisiún, Deasca um Eoraip na Cruthaitheachta i gcomhréir lena ndlí náisiúnta agus a gcleachtas náisiúnta ("Deasca um Eoraip na Cruthaitheachta").
- Tacóidh an Coimisiún le líonra na nDeasc um Eoraip na Cruthaitheachta.
- Cuirfidh na Deasca um Eoraip na Cruthaitheachta na cúraimí seo a leanas i gcrích, agus saintréithe sonracha gach earnála á gcur san áireamh acu:
 - faisnéis faoin gClár a sholáthar, agus é a chur chun cinn sna tíortha a bheidh rannpháirteach sa Chlár;
 - cuideoidh siad le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta maidir leis an gClár agus cuirfidh siad faisnéis bhunúsach iomchuí ar fáil maidir leis na deiseanna tacaíochta ábhartha eile atá ar fáil faoi bheartas an Aontais;
 - spreagfaidh siad comhar trasteorann in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta;
 - tacóidh siad leis an gCoimisiún trí chúnaimh a chur ar fáil maidir le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta sna tíortha a bheidh rannpháirteach sa Chlár, mar shampla trí na sonraí a bheidh ar fáil faoi na hearnálacha seo a sholáthar;
 - tacóidh siad leis an gCoimisiún chun a áirithiú go ndéanfar cumarsáid chuí agus scaipeadh cuí ar thorthaí agus ar thionchair an Chláir.

- (f) áiritheoidh siad go ndéanfar eolas maidir leis an maoiniú Aontais arna deonadh agus maidir leis na torthaí a fuarthas dá dtíortha a chur in iúl agus a scaipeadh.

4. Déanfaidh an Coimisiún, agus é ag gníomhú leis na Ballstáit, cáilíocht agus torthaí na seirbhíse a chuireann Deasca um Eoraip na Cruthaitheachta ar fáil á áirithiú trí fhaireachán agus meastóireacht rialta agus neamhspleách.

CAIBIDIL V

Torthaí feidhmíochta agus scaipeadh

Airteagal 17

Comhsheasmhacht agus comhlántacht

1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, comhsheasmhacht agus comhlántacht an Chláir a áirithiú leis an méid seo a leanas:

- le beartais ábhartha an Aontais, amhail beartais i réimsí an oideachais, na fostaíochta, na sláinte, an mhargaidh inmheánaigh, an chlár oibre dhigitigh, na hóige, na saoránachta, an chaidrimh sheachtraigh, na trádála, an taighde agus na nuálaíochta, na fiontraíochta, na turasóireachta, mhéadú an cheartais agus na forbartha;
- foinsí ábhartha eile de chistiú an Aontais i réimse na mbeartas cultúir agus meán, go háirithe Ciste Sóisialta na hEorpa, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, na clár thaighde agus nuálaíochta, chomh maith leis na hionstraimí airgeadais a bhaineann le ceartas agus le saoránacht, clár chomhair sheachtraigh agus na hionstraimí réamhaontachais.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo agus cuirfear chun feidhme é gan dochar do cheanglais idirnáisiúnta an Aontais.

Airteagal 18

Faireachán agus meastóireacht

1. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar faireachán agus meastóireacht sheachtrach ar an gClár ar bhonn rialta, le táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla feidhmíochta a leagtar amach thíos:

- táscairí le haghaidh na gcuspoirí ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 3:
 - cion na fostaíochta agus na holltáirgeachta náisiúnta a thagann ó earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, agus na hathruithe ar an gcion sin;
 - líon na ndaoine a bhíonn ag breathnú ar shaothair chultúrtha agus chruithaitheacha Eorpacha, lena n-áirítear aon uair is féidir, saothair ó thíortha seachas a dtír féin.

- (b) táscairí le haghaidh an chuspóra shonraigh dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 4:
- (i) scála gníomhaíochtaí idirnáisiúnta na n-eagraíochtaí cultúir agus cruthaitheachta agus líon na gcomhpháir-tíochtaí trasnáisiúnta a cruthaíodh;
 - (ii) líon gcineálacha taithí foghlama agus na ngníomhaíochtaí ar thacaigh an Clár leo agus trínar cuireadh feabhas ar inniúlachtaí ghníomhairí an chultúir agus na cruthaitheachta, lena n-áirítear gairmithe na hearnála closamhairc, agus lenar méadaíodh a n-infhostaitheacht.
- (c) táscairí don chuspóir sonrath dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 4 maidir le Fochlár MEDIA:
- (i) an líon iontrálacha do scannáin Eorpacha neamhnáisiúnta san Eoraip agus do scannáin Eorpacha ar fud an domhain (na 10 margadh neamh-Eorpacha is tábhachtaí) i bpictiúrlanna;
 - (ii) an céatadán de shaothair chlosamhairc Eorpach i bpictiúrlanna, ar an teilifís agus ar ardáin dhigiteacha;
 - (iii) líon na ndaoine sna Ballstáit a bhreathnaíonn ar shaothair chlosamhairc Eorpacha neamhnáisiúnta agus líon na ndaoine sna tíortha atá rannpháirteach sa Chlár a bhreathnaíonn ar shaothair chlosamhairc Eorpacha;
 - (iv) líon na bhfíschluichí Eorpacha a tháirgtear san Aontas agus sna tíortha atá rannpháirteach sa Chlár.
- (d) táscairí le haghaidh an chuspóra shonraigh dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 5 a mheid maidir le Fochlár Cultúir:
- (i) líon na ndaoine a dtéitear i gcion orthu go díreach agus go hindíreach trí thionscadail a dtacaíonn an Clár leo;
 - (ii) líon na dtionscadal lena ndírítear ar leanaí, ar dhaoine óga agus ar ghrúpaí ar tearcionadaithe, agus líon na daoine a dtéitear i gcion orthu leis sin.
- (e) táscairí le haghaidh an chuspóra shonraigh dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 4:
- (i) líon na n-iasachtaí a ráthaíodh faoi chuimsiú na Saoráide Ráthaíochta, iad á n-aicmiú de réir tionscnaimh náisiúnta, méid agus earnálacha FBManna agus micrea-eagraíochtaí, eagraíochtaí beaga agus eagraíochtaí meánmhéide;
 - (ii) líon na n-iasachtaí deonaithe ag na hidirghabhálaithe airgeadais rannpháirteacha, iad á n-aicmiú de réir tionscnaimh náisiúnta;
 - (iii) líon agus raon geografach na n-idirghabhálaithe airgeadais rannpháirteacha;
 - (iv) líon na FBManna agus na micrea-eagraíochtaí, na n-eagraíochtaí beaga agus na n-eagraíochtaí meánmhéide atá ag tairbhiú den tSaoráid Ráthaíochta, iad á n-aicmiú de réir a dtionscnaimh náisiúnta, a méid agus a n-earnálacha;
 - (v) meánráta mainneachtana na n-iasachtaí;
 - (vi) an éifeacht ghíarála a baineadh amach leis na hiasachtaí ráthaithe i ndáil leis an éifeacht ghíarála tháscach (1:5,7);
- (f) táscairí le haghaidh an chuspóra shonraigh dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 4:
- (i) líon na mBallstát a bhaineann úsáid as torthaí mhodh oscailte an chomhordaithe i bhforbairt a mbeartas náisiúnta
 - (ii) agus líon na dtionscnamh nua agus torthaí na mbeartas sin.
2. Cuirfear torthaí an phróisis faireacháin agus meastóireachta san áireamh nuair a bheidh an Clár á chur chun feidhme.
3. Chomh maith le faireachán rialta ar an gClár, bunóidh an Coimisiún tuarascáil mheántéarmach a bheidh bunaithe ar mheastóireacht sheachtrach agus neamhspleách, ina ndéanfar:
- (a) gnéithe cáilíochtúla agus cainníochtúla a chur san áireamh, chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir, go háirithe i dtaca lena gcuspóirí a bhaint amach mar aon lena bhreisluach Eorpach;
 - (b) aghaidh a thabhairt ar an scóip atá ann maidir le simpliú, an Chláir a chomhchuibheas inmheánach agus seachtrach, ábharthacht leanúnach na gcuspóirí uile, mar aon le rannchuidiú na mbeart do thosaíochtaí an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach.
 - (c) a chur san áireamh torthaí meastóireachta maidir le tionchar fadtéarmach Chinneadh Uimh. 1718/2006/CE, Chinneadh Uimh. 1855/2006/CE agus Chinneadh Uimh. 1041/2009/CE.
4. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil mheántéarmach mheastóireachta dá dtagraítear i mír 3 faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 31 Nollaig 2017.
5. Ar bhonn meastóireachta críochnaithí seachtraí agus neamhspleáiche, bunóidh an Coimisiún tuarascáil chríochnaitheach ina measfar tionchair fhadtéarmacha agus inbhuanaitheacht an Chláir bunaithe ar na táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla a roghnaíodh. Maidir leis an gcuspóir dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 4, measfaidh an Coimisiún freisin éifeachtaí na Saoráide Ráthaíochta ar an rochtain ar iasachtaí ó na bainc agus na costais ghaolmhara do FBManna agus do mhicrea-eagraíochtaí agus d'eagraíochtaí beaga agus d'eagraíochtaí meánmhéide in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta.
6. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil chríochnaitheach mheastóireachta, dá dtagraítear i mír 5 faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 30 Meitheamh 2022.

*Airteagal 19***Cumarsáid agus scaipeadh**

1. Tabharfaidh an Coimisiún faisnéis maidir leis na tionscail a fuair cistiú ón Aontas do na tíortha atá rannpháirteach sa Chlár trí na cinntí roghnúcháin a chur chucu laistigh de choicís tar éis a nglactha.
2. Déanfaidh tairbhíthe na dtionscadal arna dtacú ag an gClár an fhaisnéis i dtaobh chistiú an Aontais a fuarthas agus na dtorthaí a fuarthas a chur in iúl agus a scaipeadh.
3. Áiríteoidh an Coimisiún go ndéanfar an fhaisnéis ábhartha a scaipeadh ar na Deasca um Eoraip na Cruthaitheachta.

*CAIBIDIL VII***Gníomhartha tarmligthe***Airteagal 20***Cumhachtaí a tharmligean chuig an gCoimisiún**

Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal -21 chun na táscairí feidhmíochta cáilíochtúla agus cainníochtúla a leagtar amach in Airteagal 18(1) a fhorlónadh.

*Airteagal 21***An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 20 a thabhairt don Choimisiún go ceann fhad an Chláir.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 20 a chúilghairm aon tráth. Déanfaidh an cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.
4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.
5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 20 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*CAIBIDIL VIIa***Forálacha cur chun feidhme***Airteagal 22***Cur chun feidhme an Chláir**

1. Is é an Coimisiún a chuirfidh an Clár chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.
2. Glacfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, clár oibre bliantúil i ndáil leis na Fochláir agus leis an tSraith dá dtagraítear in Airteagal 6. Áiríteoidh an Coimisiún sna clár oibre bhliantúla go ndéanfar na cuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagal 3 agus in Airteagal 4 chomh maith leis na tosaíochtaí a leagtar amach in Airteagal 9 agus in Airteagal 12 a chur chun feidhme go bliantúil ar shlí chomhsheasmhach agus tabharfaidh sé breacchuntas ar na torthaí ionchasacha, ar an modh cur chun feidhme agus ar mhéid iomlán an phlean maoinithe. Cuimseofar sa chlár oibre bliantúil freisin tuairisc ar na bearta a bheidh le maoiniú, léiriú ar an méid arna leithdháileadh ar gach beart agus tráthchlár cur chun feidhme tásach.

Maidir le deontais, áireofar sa chlár oibre bliantúil na tosaíochtaí, na critéir incháilitheachta, roghnúcháin agus dhámhachtana, agus uasráta an chómhaoinithe. Is 80 % de chostais na n-oibríochtaí a dtacaítear leo, ar a mhéad, a bheidh sa ranníocaíocht airgeadais ón gClár.

Maidir leis an tSaoráid Rátháíochta, áireofar sa chlár oibre bliantúil na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin le haghaidh idirghabhálaithe airgeadais, na critéir eisiata maidir le hinneachar na dtionscadal a thíolactar do na hidirghabhálaithe airgeadais rannpháirteacha, an leithdháileadh bhliantúil ar an CEI agus na critéir incháilitheachta, roghnúcháin agus dhámhachtana do sholáthróirí forbartha cumais.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 23(4).

3. Glacfaidh an Coimisiún treoirilínte ginearálta i dtaca leis an gClár a chur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 23(3).

*Airteagal 23***An nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste ('Coiste um Eoraip na Cruthaitheachta') cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. Féadfaidh an Coiste um Eoraip na Cruthaitheachta teacht le chéile i bhfoirmíochtaí sonracha chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna nithiúla a bhaineann leis an tSraith Thrasearnálach.
3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 24***Forálacha airgeadais**

1. Is EUR 1 462 724 000 a shocraítear a bheidh san imchlúdach airgeadais don Chlár don tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí 31 Nollaig 2020 i bpraghsanna reatha.

Údaróidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na leithreasá bliantúla faoi theorainn an chreata airgeadais ilbhliantúil.

2. Déanfar an t-imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i mír 1 mar a leanas:

(a) 56 % ar a laghad don Fhochlár MEDIA;

(b) 31 % ar a laghad don Fhochlár Cultúir;

(c) 13 % ar a mhéad don tSraith Thrasearnálach, agus 4 % ar a laghad á leithdháileadh le haghaidh na mbeart comhair trasnáisiúnta atá liostaithe in Airteagal 15 agus le haghaidh na nDeasca um Eoraip na Cruthaitheachta.

3. Beidh na costais riaracháin a bhaineann le cur chun feidhme an chlár mar chuid de na leithdháilí leagtha síos i mír 2 agus ní rachaidh méid iomlán na gcostas sin níos mó ná 7 % de bhuiséad an Chláir agus leithdháilfear 5 % de sin ar chur chun feidhme Fochlár MEDIA agus 2 % ar chur chun feidhme Fhochlár Cultúir.

4. féadfar freisin an t-leis an imchlúdach airgeadais dá tagraítear i mír 1 speansais a chumhdach ar speansais iada bhaineann le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúcháireachta agus meastóireachta a riachtanach go díreach chun an Clár a bhainistiú agus a chuspóirí a bhaint amach; go háirithe, staidéir, cruinnithe saineolaithe, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid chorpóraideach maidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais sa mhéad is go mbaineann siad le cuspóirí ginearálta an Chláir, agus speansais atá nasctha le líonraí TF a dhíríonn ar phróiseáil agus ar mhalartú faisnéise, mar aon le speansais maidir le cúnaimh riaracháin agus teicniúil eile a thabhoídh an Coimisiún chun an Clár a bhainistiú.

5. Leis an imchlúdach airgeadais, féadfar speansais a chumhdach maidir le cúnaimh teicniúil agus riaracháin a theastaíonn chun an t-aistriú a áirithiú idir na bearta a glacadh faoi Chinneadh Uimh. 1718/2006/CE, faoi Chinneadh Uimh. 1855/2006/CE agus faoi Chinneadh Uimh. 1041/2009/CE agus an Rialachán seo.

Más gá, féadfar leithreasá a iontráil sa bhuiséad i ndiaidh 2020 chun costais chomhchosúla a chumhdach, ionas go mbeifear ábalta na gníomhaíochtaí nach mbeidh curtha i gcrích faoi 31 Nollaig 2020 a bhainistiú.

6. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo féadfaidh an Coimisiún costais atá nasctha go díreach le cur chun feidhme na gníomhaíochtaí tacaíthe a bhreithniú mar chinn incháilithe fiú má thabhaíonn an tairbhí na costais sin roimh chur isteach an iarratais ar mhaoiniú.

*Airteagal 25***Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint**

1. Déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí chun a áirithiú, nuair a chuirtear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo chun feidhme, go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne calaoise, éillithe agus aon gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí sheiceálacha agus cigireachtaí éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhríaltachtaí, trí mhéideanna a íocadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis riaracháin agus airgeadais atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a chur i bhfeidhm.

2. Beidh an chumhacht ag an gCoimisiún nó ag a ionadaithe agus ag an gCúirt Iniúcháir, iniúchtaí a dhéanamh, ar bhonn doiciméad agus seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, ar gach conraitheoir agus ar gach fochonraitheoir a fuair cistí de chuid an Aontais faoin gClár.

3. Féadfaidh OLAF imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus i Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon gníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó cinneadh deontais nó conradh arna mhaoiniú faoin gClár.

4. Gan dochar do mhír 1, do mhír 2 agus do mhír 3, beidh forálacha sna comhaontuithe comhair le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, sna conarthaí, sna comhaontuithe deontais agus sna cinntí deontais, a eascróidh ón Rialachán seo a chur chun feidhme, lena gcumhachtófar go sainráite don Choimisiún, don Chúirt Iniúcháir agus do OLAF iniúchtaí agus fiosrúcháin den sórt sin a dhéanamh, i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí faoi seach.

*CAIBIDIL VIII***Forálacha críochnaitheacha***Airteagal 26***Aisghairm agus foráil idirthréimhseach**

1. Déantar leis seo Cinneadh Uimh. 1718/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1855/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1041/2009/EC a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.

2. Gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu faoin 31 Nollaig 2013 ar bhonn na gCinntí dá dtagraítear i mír 1, leanfar dá mbainistiú go dtí go bhfoirceannar iad i gcomhréir leis na Cinntí sin.

*Airteagal 27***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige amhail ón 1 Eanáir 2014.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 11 Nollaig 2013.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
V. LEŠKEVIČIUS

IARSCRÍBHINN I

NA SOCRUITHE CUR CHUN FEIDHME DO SHAORÁID RÁTHAÍOCHTA EARNÁLACHA AN CHULTÚIR AGUS NA CRUTHAITHEACHA

An tacaíocht airgeadais a sholáthraítear leis an tSaoráid Ráthaíochta, cuirfear in áirithe í do FBManna agus do mhicrea-eagraíochtaí, d'eagraíochtaí beaga agus d'eagraíochtaí meánmhéide in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, atá oiriúnaithe do riachtanais shonracha na n-earnálacha agus brandáilte dá réir.

1. Cúraimí

Soláthrófar an méid seo a leanas leis an tSaoráid Ráthaíochta:

- (a) ráthaíochtaí d'idirghabhálaithe airgeadais rannpháirteacha ó aon tír atá rannpháirteach sa tSaoráid Ráthaíochta;
- (b) saineolas breise d'idirghabhálaithe airgeadais rannpháirteacha chun meastóireacht a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le FBManna agus le micrea-eagraíochtaí, le heagraíochtaí beaga agus le heagraíochtaí meánmhéide agus lena gcuid tionscadal i réimse an chultúir agus na cruthaitheachta;

2. Idirghabhálaithe airgeadais rannpháirteacha a roghnú

Roghnoídh an CEI na hidirghabhálaithe airgeadais rannpháirteacha i gcomhréir leis an dea-chleachtas margaidh agus leis an gcuspóir sonracha dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 5. Beidh an méid seo a leanas, go háirithe, san áireamh ar na critéir roghnúcháin:

- (a) méid an chistithe d'fhiachas a chuirtear ar fáil do FBManna agus do mhicrea-eagraíochtaí, d'eagraíochtaí beaga agus d'eagraíochtaí meánmhéide;
- (b) an polasaí bainistithe riosca d'oibríochtaí trína dtugtar iasachtaí, go háirithe i ndáil le tionscadail i réimse an chultúir agus na cruthaitheachta;
- (c) an cumas punann iasachtaí éagsúlaithe a fhorbairt agus chun plean margaidh agus cur chun cinn a thairiscint do FBManna agus do mhicrea-eagraíochtaí, d'eagraíochtaí beaga agus d'eagraíochtaí meánmhéide ar fud na réigiún agus na n-earnálacha.

3. Fad tréimhse na Saoráide Ráthaíochta

Féadfaidh aibíocht suas le 10 mbliana a bheith ag ráthaíochtaí aonair.

I gcomhréir le pointe (i) d'Airteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, déanfar aisíocaíochtaí arna nginiúint leis na ráthaíochtaí a shannadh don tSaoráid Ráthaíochta ar feadh tréimhse nach faide ná tréimhse an ghealltanais móide 10 mbliana. Déanfar aisíocaíochtaí a ghintear i gcomhréir le forálacha de chuid comhaontuithe ábhartha tarmligin, trí oibríochtaí an Chiste Ráthaíochta Léiriúcháin MEDIA a bunaíodh roimh 2014, a shannadh don tSaoráid Ráthaíochta sa tréimhse 2014-2020. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas maidir leis an sannadh sin trí mheán an Choiste um Eoraip na Cruthaitheachta.

4. Forbairt cumais

Faoin tSaoráid Ráthaíochta, ciallaíonn forbairt cumais saineolas a sholáthar d'idirghabhálaithe airgeadais rannpháirteacha chun cur lena dtuiscint ar earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta (i ngnéithe cosúil le cineál doláimhsithe na sócmhainní comhthaobhacha, méid an mhargaidh nach bhfuil mais chriticiúil aige, cineál fréamh-shamhaltach táirgí agus seirbhísí) agus saineolas breise a sholáthar do gach idirghabhálaí airgeadais rannpháirteach i ndáil le forbairt punann agus le meastóireacht na rioscaí a bhaineann le tionscadail i réimse an chultúir agus na cruthaitheachta.

Na hacmhainní a shannfar don fhorbairt cumais, teorannófar iad go dtí 10 % de bhuiséad na Saoráide Ráthaíochta iad.

Roghnoídh an CEI na soláthróirí forbartha cumais thar ceann na Saoráide Ráthaíochta agus faoi mhaoirseacht an Choimisiúin trí nós imeachta soláthair poiblí agus oscailte, ar bhonn critéar amhail an taithí i gcistíú earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, an saineolas, an clúdach geografach, an cumas seachadta agus fios an mhargaidh.

5. An Buiséad

Cuimseoidh an leithdháileadh buiséadach costas iomlán na Saoráide Ráthaíochta, lena n-áirítear oibleagáidí íocaíochta i dtreo idirghabhálaithe airgeadais rannpháirteacha, amhail cailleanais ó ráthaíochtaí, táillí bainistíochta do CEI as bainistíú acmhainní an Aontais, agus aon chostais nó speansais incháilithe eile.

6. Infheictheacht agus múscailt feasachta

Cabhróidh CEI leis an tSaoráid Ráthaíochta a chur chun cinn vis-à-vis earnáil bhaincíteachta na hEorpa. Chomh maith leis sin, áiríteoidh gach idirghabhálaí airgeadais rannpháirteach agus an CEI go gcuirfear leibhéal iomchuí infheictheachta agus trédhearcachta i bhfeidhm ar an tacaíocht a thugtar faoin tSaoráid Ráthaíochta trí fhaisnéis a sholáthar maidir leis na deiseanna airgeadais do na spriocfhiontair, eadhon, FBManna agus do na sprioc-eagraíochtaí, eadhon micrea-eagraíochtaí, eagraíochtaí beaga agus eagraíochtaí meánmhéide.

Chuipe sin, tabharfaidh an Coimisiún, inter alia, an fhaisnéis riachtanach do líonra na Deasc um Eoraip na Cruthaitheachta le go mbeidh siad in ann a gcuid cúraimí a chur i gcrích.

7. Cineálacha iasachta


Le cineálacha iasachta a chumhdófar leis an tSaoráid Ráthaíochta, áireofar go háirithe an méid a leanas:

- (a) infheistíocht i sócmhainní doláimhsithe agus inláimhsithe;
- (b) aistrithe gnó;
- (c) caipiteal oibre (amhail maoiniú eatramhach, maoiniú líonta bearnaí, sreabhadh airgid, línte creidmheasa).

IARSCRÍBHINN II

LÓGÓ FHOCHLÁR MEDIA

Is mar a leanas a bheidh lógó Fhochlár MEDIA:



RIALACHÁN (AE) Uimh. 1296/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 11 Nollaig 2013

maidir le Clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta ("EaSI") agus lena leasaítear Cinneadh Uimh. 283/2010/AE lena mbunaítear Saoráid Mhicreamhaoiniúcháin don Dul Chun Cinn Eorpach le haghaidh fostaíochta agus cuimsiú sóisialta

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 46(d), Airteagal 149, Airteagal 153(2)(a) agus don tríú halt d'Airteagal 175 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) De réir na Teachtaireachta ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2011 dar teideal 'Buiséad le haghaidh Eoraip 2020', ina moltar go ndéanfaí ionstraimí maoiniúcháin an Aontais a chuíchóiriú agus a shimplíú agus go ndíreofaí níos fearr ar bhreisluach an Aontais agus ar thionchair agus ar thorthaí, bunaítear leis an Rialachán seo Clár de chuid an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta ('an Clár') chun foráil a dhéanamh do leanúnachas agus d'fhorbairt gníomhaíochtaí a chuirtear i gcrích ar bhonn Chinneadh Uimh. 1672/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾, Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ⁽⁵⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/733/AE ón gCoimisiún ⁽⁶⁾ agus Cinneadh Uimh. 283/2010/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena

bunaíodh Saoráid Mhicreamhaoiniúcháin don Dul Chun Cinn Eorpach le haghaidh fostaíochta agus cuimsiú sóisialta ⁽⁷⁾ ('an tSaoráid').

(2) Ar an 17 Meitheamh 2010 thacaigh an Chomhairle Eorpach le togra ón gCoimisiún maidir le Straitéis Eoraip 2020 i gcomhair post agus fáis chliste, inbhuanaithe agus chuimsithigh ("Eoraip 2020"), lena bhforáiltear do chúig phríomhspríoc (lena n-áirítear iad siúd lena ndéileáiltear le fostaíocht, leis an gcomhrac i gcoinne na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta, agus leis an oideachas faoi seach) agus do sheacht dtionscnamh suaitheanta, agus ar an gcaoi sin soláthraítear creat beartais comhtháite do na deich mbliana amach romhainn. Thacaigh an Chomhairle Eorpach le húsáid iomlán a bhaint as ionstraimí agus beartais ábhartha de chuid an Aontais chun tacú le baint amach na gcuspóirí coiteanna agus thug sí cuireadh do na Ballstáit a gcuid gníomhaíochta comhordaithe a mhéadú.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 148(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ghlac an Chomhairle treoirlínte an 21 Deireadh Fómhair 2010 maidir le beartais fostaíochta, lena gcuimsítear treoirlínte comhtháite 'Eoraip 2020' mar aon leis na treoirlínte leathana maidir le beartais eacnamaíocha na mBallstát agus an Aontais arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 121 CFAE. Ba cheart go rannchuideodh an Clár le baint amach spriocanna 'Eoraip 2020', go háirithe a chuspóirí maidir le laghdú na bochtaineachta agus fostaíocht de réir mar a shainmhínítear sna Treoirlínte Fostaíochta iad. Ba cheart don Chlár tacú le cur chun feidhme na dtionscnamh suaitheanta chun na críche sin, agus aird faoi leith á thabhairt ar an Ardán Eorpach i gcoinne na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta, ar an gClár Oibre do Scileanna Nua agus do Phoist, ar an Óige ag Bogadh agus ar an bPacáiste Fostaíochta don Óige.

(4) Sna tionscnaimh suaitheanta de chuid Eoraip 2020 dar teideal "Ardán Eorpach i gcoinne na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta" agus "Aontas Nuálaíochta", saináithnítear nuálaíocht shóisialta mar uirlis chumhachtach chun dul i ngleic leis na dúshlán shóisialta a eascraíonn as an méid seo a leanas – aosú an daonra, bochtaineacht, dífhostaíocht, patrúin nua oibre agus stíleanna maireachtála nua, agus ionchais saoránach maidir le ceartas sóisialta, oideachas agus cúram sláinte. Ba cheart don Chlár tacú le gníomhaíocht chun dlús a chur le nuálaíocht shóisialta mar fhreagairt ar riachtanais shóisialta nach bhfuil á gcomhlíonadh nó nach bhfuil á gcomhlíonadh go leordhóthanach, maidir

⁽¹⁾ IO C 143, 22.5.2012, lch. 88.

⁽²⁾ IO C 225, 27.7.2012, lch. 167.

⁽³⁾ Seasamh Parlaimint na hEorpa an 21 Samhain 2013 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil).

⁽⁴⁾ Chinneadh Uimh. 1672/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 lena mbunaítear Clár Comhphobail um Fhostaíocht agus um Dhlúthpháirtíocht Shóisialta – PROGRESS (IO L 315, 15.11.2006, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saoirse ghluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas (IO L 141, 27.5.2011, lch. 1).

⁽⁶⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/733/AE ón gCoimisiún an 26 Samhain 2012 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le folúntais agus iarratais ar fhostaíocht a imríteach (IO L 328, 28.11.2012, lch. 21).

⁽⁷⁾ Cinneadh Uimh. 283/2010/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Márta 2010 lena mbunaítear Saoráid Mhicreamhaoiniúcháin don Dul Chun Cinn Eorpach le haghaidh fostaíochta agus cuimsiú sóisialta (IO L 87, 7.4.2010, lch. 1).

leis an mbochtaineacht agus an eisiámh sóisialta a chomhrac, ardleibhéal fostaíochta cáilíochta agus inbhuanaithe a chur chun cinn, cosaint shóisialta leormhaith agus frithbhochtaineachta a ráthú, dálaí oibre a fheabhsú agus rochtain ar oiliúint do dhaoine leochailleacha a fheabhsú, agus aird chuí á tabhairt ar ról na n-údarás réigiúnach agus na n-údarás áitiúil. Ba cheart go mbeadh an Clár ina chatalaíoch freisin le haghaidh comhpháirtíochtaí trasnáisiúnta agus i gcomhair líonraithe idir gníomhaithe san earnáil phoiblí, san earnáil phríobháideach agus sa tríú hearnáil, chomh maith le tacú lena rannpháirtíocht i gcineálacha cur chuige nua a cheapadh agus a chur chun feidhme chun dul i ngleic le dúshlán agus riachtanais shóisialta dhithneasacha.

- (5) Ba cheart don Chlár cabhrú, go háirithe, chun réitigh nuálaíochta a shainiú agus a anailísiú, agus chun a gcur chun feidhme a mhéadú ó scála, trí thástáil a dhéanamh le beartais shóisialta chun cabhrú leis na Ballstáit, i gcás inar gá, cur le héifeachtacht a margáí saothair agus tuilleadh feabhais a chur ar a mbeartais maidir le cosaint agus cuimsiú sóisialta. Is tástáil ar an láthair ar nuálaíochtaí sóisialta atá tionscadalbhunaithe é tástáil beartais shóisialta. Cumasaíonn sé tiomsú fianaise maidir le féidearthacht nuálaíochtaí sóisialta. Ba cheart go bhféadfaí smaointe ráthúla a shaothrú ar scála níos leithne le tacaíocht airgid ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) chomh maith le foinsí eile.
- (6) Ba cheart modh oscailte an chomhordaithe, a bhfuil a sholúbthacht agus a éifeachtacht oibriúcháin cruthaithe aige sna réimsí fostaíochta agus beartais shóisialta, a úsáid go forleathan agus ba cheart go mbainfeadh sé tairbhe as gníomhaíochtaí a dtacaíonn an Clár leo.
- (7) Ceanglaítear leis an dul chun cinn i dtreo forbartha atá inbhuanaithe ó thaobh na sochaí agus an chomhshaoil de san Eoraip go ndéanfaí scileanna agus inniúlachtaí nua a réamh-mheas agus a fhorbairt, ar scileanna agus inniúlachtaí iad a mbeidh sé mar thoradh orthu go gcuirfí feabhas ar na coinníollacha do chruthú fostaíochta, ar cháilíocht na fostaíochta agus ar na coinníollacha oibre trí bheartais tionlacain oideachais, margaidh saothair agus sóisialta i ndáil le claochlú tionscal agus seirbhísí. Ba cheart go rannchuideodh an Clár mar sin le cruthú post cáilíochta agus inbhuanaithe 'glas', 'cúraim' agus TFC a chur chun cinn chomh maith le réamh-mheas agus forbairt a dhéanamh ar scileanna agus inniúlachtaí nua do phoist nua cháilíochta agus inbhuanaithe trí bheartais fostaíochta agus shóisialta a nascadh le beartais thionsclaíochta agus struchtúrtha a thacaíonn leis an trasdul i dtreo geilleagair atá tíosach ar acmhainní agus ísealcharbóin. Ba cheart, go háirithe, go mbeadh an Clár ina chatalaíoch freisin do thaiscéaladh ar an acmhainneacht cruthú post atá ag infheistíochtaí glasa agus sóisialta atá treoraithe ag an earnáil phoiblí agus ag tionscnaimh fostaíochta áitiúla agus réigiúnacha.
- (8) Ba cheart don Chlár aird a thabhairt, i gcás inarb ábhartha, ar ghné chríochach na dífhostaíochta, na bochtaineachta agus an eisiámh sóisialta, agus aird faoi

leith a thabhairt ar an mborradh atá ag teacht ar éagothroime laistigh de agus idir réigiúin, idir limistéir thuaithe agus cathracha agus laistigh de chathracha.

- (9) Is gá gnéithe sóisialta an mhargaidh inmheánaigh a chomhdhlúthú. I gcomhthéacs an riachtanas atá ann muinín sa mhargadh inmheánach lena n-áirítear i saorghluaiseacht seirbhísí a fheabhsú trí urraim ar chearta oibríthe a áirithiú, is gá a áirithiú go dtabharfar stádas comhionann do chearta oibríthe agus fiontraithe araon maidir le saorghluaiseacht ar fud an Aontais.
- (10) In aon dul le Eoraip 2020, ba cheart don Chlár dul i mbun cur chuige comhtháite chun fostaíocht cháilíochta agus inbhuanaithe a chur chun cinn chomh maith leis an eisiámh sóisialta agus an bhochtaineacht a chomhrac agus a chosc agus ag an am céanna aird a thabhairt ar an ngá chun urraim a thabhairt do chomhionannas idir mná agus fir. Ba cheart cur chun feidhme an Chláir a réasúnú agus a shimpliú, go háirithe trí shraith forálacha coiteanna a bhunú lena n-áirítear, inter alia, cuspóirí ginearálta agus socrúithe faireacháin agus meastóireachta. Ba cheart don Chlár díriú ar thionscadail a bhfuil breislúach soiléir don Aontas ag baint leo, beag beann ar a méid. Chun an t-ualach riaracháin a laghdú, ba cheart go dtacódh an Clár le cruthú agus le forbairt líonraí agus comhpháirtíochtaí. Ina theannta sin, ba cheart úsáid níos mó a bhaint as roghanna costais simplithe (cnapshuim agus maoiniú ar ráta comhréidh) go háirithe chun scéimeanna soghluaisteachta a chur chun feidhme agus ag áirithiú go bhfuil imeachtaí trédhearcach. Ba cheart don Chlár a bheith ina ionad ilfhreastail i gcomhair soláthraithe micreamhaoiniúcháin ar leibhéal an Aontais, lena gcuirfear maoiniú ar fáil maidir le micrichreidmheas agus fiontraíocht shóisialta, ag éascú rochtain ar iasachtaí agus ag cur cúnaimh theicniúil ar fáil.
- (11) Ag cur san áireamh go bhfuil srian leis na cistí atá ar fáil don Chlár agus go bhfuil na cistí sin réamhleithdháilte ar an haiseanna éagsúla, ba cheart maoiniú a thabhairt ar dtús d'fhorbairt struchtúr a bhfuil éifeacht iolraitheora shoiléir acu, rud a rachaidh chun tairbhe gníomhaíochtaí agus tionscnamh eile. Ba cheart bearta cuí a shocrú chun aon fhéidearthacht forluí nó maoinithe dúbailte le cistí nó cláir eile a sheachaint, go háirithe an CSE.
- (12) Ba cheart go mbeadh fianaise bunaithe ar anailís iontaofa bheith ag an Aontas chun tacú le ceapadh beartas sa réimse fostaíochta agus sa réimse sóisialta, agus aird faoi leith á tabhairt ar thionchar géarchéimeanna airgeadais agus eacnamaíochta. Cuireann fianaise den sórt sin breislúach le gníomhaíocht náisiúnta trí ghné an Aontais agus trí bhonn comparáide le haghaidh bailithe sonraí a sholáthar agus trí mhodhanna agus uirlisí staitistiúla a fhorbairt, mar aon le táscairí coiteanna chun críche an cás a léiriú ina iomláine i réimse na fostaíochta, i réimse an bheartais shóisialta agus i réimse na ndálaí oibre ar fud an Aontais, agus trí mheastóireacht ardchaighdeán ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht clár agus beartas a áirithiú, d'fhonn, inter alia, spriocanna Eoraip 2020 a bhaint amach.

- (13) Tá an tAontas i staid uathúil chun ardán a sholáthar le haghaidh malartaithe beartas agus foghlama frithpháirtí idir tíortha atá rannpháirteach sa Chlár i réimsí na fostaíochta, na cosanta sóisialta agus an chuimsithe shóisialta, agus na fiontraíochta sóisialta. An t-eolas ar bheartais atá á gcur i bhfeidhm i dtíortha eile agus ar a dtorthaí, lena n-áirítear iad siúd a baineadh amach trí thástáil beartais shóisialta ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, leathnaíonn sé an raon roghanna atá ar fáil do lucht déanta beartas, agus spreagtar leis sin forbairtí beartais nua.
- (14) Tá sé ina ghné lárnach de bheartas sóisialta an Aontais a áirithiú gur ann d'íoschaighdeán agus go mbíonn feabhas á chur ar dhálaí oibre san Aontas i gcónaí. Tá ról tábhachtach le himirt ag an Aontas ina áirithiú go ndéantar an creat reachtach a oiriúnú do nósanna oibre nua agus do rioscaí nua sláinte agus sábháilteachta agus go gcuirtear 'obair chuibhiúil' agus príonsabail na 'Rialála Cliste' san áireamh. Tá ról tábhachtach ag an Aontas freisin maidir le bearta a mhaoiniú chun feabhas a chur ar chomhlíonadh caighdeán saothair faoi na coimbhinsiúin daingnithe de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) agus rialacha Aontais um chearta oibrithé a chosaint. Is é seo an cás, go háirithe, maidir le bearta chun feacht a mhúscailt (e.g. trí lipéad sóisialta) trí eolas a scaipeadh agus trí dhlús a chur leis an díospóireacht faoi na príomhdhúshláin agus na saincheisteanna beartais a bhaineann le dálaí oibre, lena n-áirítear i measc na gcomhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí eile chomh maith le bearta cothromaíochta oibre agus saoil a chur chun cinn, gníomhaíochtaí coisctheacha a thionscnamh agus cultúr an choisc a chothú i réimse na sláinte agus sábháilteachta ag an obair.
- (15) Tá ról lárnach ag comhpháirtithe sóisialta agus ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta ó thaobh fostaíocht cáilíochta a chur chun cinn agus an t-eisiamh sóisialta agus an bhochtaineacht a chomhrac, chomh maith le bheith ag troid i gcoinne na dífhostaíochta. Ba cheart, dá bhrí sin, baint a bheith ag na comhpháirtithe sóisialta agus ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta, i gcás inarb iomchuí, le foghlaim fhriothpháirteach agus le forbairt, cur chun feidhme agus scaipeadh beartas nua. Ba cheart don Choimisiún na torthaí a bhí ag cur chun feidhme an Chláir a chur in iúl do chomhpháirtithe sóisialta an Aontais agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus tuairimí a mhalartú leo.
- (16) Tá an tAontas tiomanta do ghné shóisialta an domhandaíthe a threisiú agus dumpáil shóisialta a chomhrac trí chaighdeán mhaithe oibre agus saothair a chur chun cinn, ní hamháin i dtíortha atá rannpháirteach sa Chlár go hidirnáisiúnta freisin, go díreach vis-à-vis tríú tíortha nó go hindíreach trí chomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Dá réir sin, ní mór caidreamh oiriúnach a fhorbairt le tríú tíortha nach bhfuil ag glacadh páirte sa Chlár d'fhonn cabhrú chun a chuspóirí a bhaint amach, ag féachaint do chomhaontuithe ábhartha ar bith idir na tíortha sin agus an tAontas. D'fhéadfadh sé a bheith i gceist leis sin go bhfreastalódh ionadaithe na dtríú tíortha sin ar imeachtaí comhleasa (amhail comhdhálacha, ceardlanna agus seimineáir) a tharlaíonn i dtíortha atá ag glacadh páirte sa Chlár. Ina theannta sin, ba cheart comhar a fhorbairt leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta lena mbaineann, agus go háirithe le EIS agus le comhlachtaí ábhartha eile de chuid na Náisiún Aontaithe, le Comhairle na hEorpa agus leis an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), d'fhonn an Clár a chur chun feidhme ar bhealach ina gcuirtear ról na n-eagraíochtaí sin san áireamh.
- (17) I gcomhréir le hAirteagal 45 agus le hAirteagal 46 CFAE, leagtar síos forálacha i Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 a bhfuil sé beartaithe leo saorghluaiseacht d'oibrithé a bhaint amach ar bhonn neamh-idirdhealaitheach trí dhlúthchomhar idir seirbhísí fostaíochta lárnacha na mBallstát lena chéile agus leis an gCoimisiún a áirithiú. Ba cheart do Eures, arb éard atá ann líonra Eorpach de sheirbhísí fostaíochta, feidhmiú níos fearr na margaí saothair a chur chun cinn trí shoghluaiseacht dheonach thrasnáisiúnta thrasteorann gheografach oibrithé a éascú, lena soláthrófar trédhearacht níos mó ar an margadh saothair, lena n-áirítear imréiteach folúntas agus iarratas ar fhostaíocht agus lena dtacófar le gníomhaíochtaí i réimse na seirbhísí socrúcháin, earcaíochta, comhairle agus treorach ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal trasteorann, ag rannchuidiú ar an tslí sin le cuspóirí Eoraip 2020. Ba cheart a mholadh do Bhallstáit seirbhísí EURES a chomhtháthú agus iad a chur ar fáil in "ionad ilfhreastail", nuair is iomchuí.
- (18) Ba cheart raon feidhme EURES a leathnú chun scéimeanna soghluaisteachta spriocdhírithé a fhorbairt agus chun tacú leo, i ndiaidh glaonna ar thograí, ar leibhéal an Aontais d'fhonn folúntais a líonadh i gcás inar aithníodh easnaimh i margadh an saothair. I gcomhréir le hAirteagal 47 CFAE, ba cheart do na scéim sin tacú le soghluaisteacht dheonach i measc oibrithé óga san Aontas a éascú. Ba cheart go ndéanfadh scéimeanna soghluaisteachta spriocdhírithé, cosúil leo siúd atá bunaithe ar an ngníomhaíocht ullmhúcháin 'Do chéad phost EURES', níos éasca do dhaoine óga é rochtain a fháil ar dheiseanna fostaíochta agus glacadh le post i mBallstát eile, chomh maith le fostóirí a spreagadh chun fostaíocht a chruthú d'oibrithé óga taistil. Mar sin féin, ní cheart go ndíspreagadh scéimeanna soghluaisteachta an tAontais agus na Ballstáit ó chúnamh a thabhairt do dhaoine óga chun fostaíocht a fháil ina dtír bhaile.
- (19) Tá ról tábhachtach ag comhpháirtíochtaí trasteorann EURES in go leor réigiún teorann ó thaobh fíormhargadh saothair a fhorbairt san Eoraip. Bíonn ar a laghad dhá Bhallstát i gceist le comhpháirtíochtaí trasteorann EURES, nó Ballstát agus tír rannpháirteach eile. Dá réir sin, tá nádúr cothrománach soiléir acu agus is foinse iad de bhreisluach ar leibhéal an Aontais. Ba cheart, dá bhrí sin, go leanfaí ag tacú le comhpháirtíochtaí trasteorann EURES trí ghníomhaíochtaí cothrománacha Aontais, leis an bhféidearthacht go bhféadfaí a chomhlánú le hacmhainní náisiúnta nó le CSE.

- (20) Ba cheart critéir cháilíochtúla agus chainníochtúla a chur san áireamh agus meastóireacht a déanamh ar ghníomhaíochtaí EURES. Ós rud é go bhfuil socrúcháin isteach i mBallstát eile mar thoradh ar shocrúcháin amach i mBallstát amháin agus go mbraitheann siad ar staideanna na margáí saothair a bhíonn ag athrú de shíor agus ar phatrúin soghluaisteacha ghaolmhara, ba cheart do mheastóireacht díriú ní amháin ar shocrúcháin isteach nó amach i mBallstáit ar leith ach go speisialta ar fhigiúirí comhiomlánaithe ar leibhéal an Aontais. Anuas air sin, á mheabhrú nach i gcónaí a bhíonn soghluaisteacht intomhaiste nó socrúcháin poist ina thoradh ar chomhairliú.
- (21) Tugtar le fios in Eoraip 2020, agus go háirithe i dTreoirlíne 7 dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/707/AE ⁽¹⁾, go bhfuil féinfhostaíocht agus fiontraíocht ríthábhachtach chun fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a bhaint amach.
- (22) Tá easpa rochtana ar chreidmheas, ar chothromas agus ar chuasachothromas shamhail-ghnáthscaireanna ar cheann de na príomhbhacainní ar chruthú gnó, go háirithe i measc na ndaoine is faide ó mhargadh an tsaothair. Ní mór iarrachtaí náisiúnta agus iarrachtaí an Aontais sa réimse seo a threisiú d'fhonn an soláthar agus an rochtain ar mhicreamhaoiniú a mhéadú chun an t-éileamh uathu siúd is mó atá i ngátar a chomhlíonadh, agus go háirithe daoine dífhostaithe, mná agus daoine leochaileacha ar mian leo micrifhiontar a thosú nó a fhorbairt, lena n-áirítear ar bhonn féinfhostaithe, ach nach bhfuil rochtain acu ar chreidmheas. Chomh maith leis sin, is micrifhiontair iad tromlach na gcuideachtaí a chruthaítear as an nua san Aontas. Ba cheart mar sin go mbeadh sé indéanta do mhicrichreidmheasanna bealach a sholáthar chun breisluach agus torthaí nithiúla a bhaint amach go mear. Mar chéad chéim, bhunaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an tSaoráid in 2010. Ba cheart feabhas a chur ar ghníomhaíochtaí cumarsáide maidir le deiseanna micreamhaoinithe ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát chun gur fearr a shroichfidh siad iad siúd a bhfuil micreamhaoiniú ag teastáil uathu.
- (23) Ba cheart go sroicheadh micreamhaoiniú agus go tacaíocht a thugtar d'fiontraíocht shóisialta tairbhíthe féideartha agus go mbeadh tionchar fadtéarmach aige. Ba cheart go rannchuideodh siad le hardleibhéal fostaíochta cáilíochta agus inbhuanaithe agus ba cheart go mbeadh sé ina chatalaíoch do bheartais eacnamaíoch agus forbartha áitiúla. D'fhonn na deiseanna chun fiontair inmharthana a chruthú a uasmhéadú, ba cheart go mbeadh clár mheantóireachta agus oiliúna agus an t-eolas ábhartha ar fad ag gabháil le gníomhaíochtaí a bhaineann le micreamhaoiniú agus le fiontraíocht shóisialta, agus ba cheart don soláthróir airgeadais freagrach an t-eolas sin a nuashonrú go rialta agus é a chur ar fáil don phobal. Chun na críche sin, tá sé bunriachtanach go gcuirfí maoiniú leormhaith ar fáil, go sonrach trí CSE.
- (24) Is gá cumas institiúideach soláthraithe micreamhaoiniúcháin, agus go háirithe institiúidí micreamhaoiniúcháin nach bainc iad, a fheabhsú i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Samhain 2007 dar teideal 'Tionscnamh Eorpach chun micrichreidmheas a fhorbairt chun tacú le fás agus le fostaíocht' agus leis an Tuarascáil ón gCoimisiún an 25 Iúil 2008 dar teideal 'Cur Chun Cinn Nuálaithe Ban agus na Fiontraíochta' le go mbeidh fáil níos mó ar mhicreamhaoiniú ag margadh micreamhaoiniúcháin úr an Aontais.
- (25) Is cuid lárnach de gheilleagar margaidh sóisialta iolraíoch na hEorpa an geilleagar sóisialta agus fiontraíocht shóisialta, agus tá ról tábhachtach acu ó thaobh cóineasú sóisialta níos mó san Eoraip a áirithiú. Tá siad bunaithe ar phrionsabail na dlúthpháirtíochta agus na freagrachta, agus ar phríomhacht an duine aonair agus ar chuspóirí sóisialta in áit caipitil, agus ar fhreagracht shóisialta, comhtháthú sóisialta agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn. Tá fiontair shóisialta in ann feidhmiú mar thosca d'athrú sóisialta trí réitigh nuálaíoch a thairiscint, agus trí mhargáí saothair uilechuimsitheacha agus seirbhísí sóisialta atá inrochtana do chách a chur chun cinn. Dá bhrí sin tugtar rannchuidiú luachmhar leo go cuspóirí Eoraip 2020 a chomhlíonadh. Ba cheart go bhfeabhsódh leis an gClár rochtain fiontar sóisialta ar chineálacha éagsúla airgeadais trí ionstraimí oiriúnacha a sholáthar chun a riachtanais shonracha airgeadais a chomhlíonadh ar feadh a saolr.
- (26) D'fhonn caipitliú ar thaithí eintiteas amhail Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, ba cheart don Choimisiún gníomhaíocht lena ngabhann micreamhaoiniú agus fiontraíocht shóisialta a chur chun feidhme go hindíreach trí chúraimí cur chun feidhme buiséid a chur ar iontaoibh eintiteas den sórt sin i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ ("an Rialachán Airgeadais"). Le húsáid acmhainní an Aontais, déantar gearáil ó institiúidí airgeadais idirnáisiúnta agus ó infheisteoirí eile a chomhdhírú, cruthaítear sineirgíochtaí idir gníomhaíocht na mBallstát agus gníomhaíocht an Aontais, agus aontaítear cineálacha cur chuige agus, ar an gcaoi sin, feabhsaítear an rochtain ar mhaoiniú atá ag grúpaí ardriosca faoi leith agus daoine óga agus an fhor-rochtain atá ag micreamhaoiniú dóibh. Déantar, rochtain ar mhaoiniú do mhicrifhiontair, lena n-áirítear iad siúd atá féinfhostaithe agus fiontair shóisialta a fheabhsú chomh maith. Ar an gcaoi sin cabhraíonn rannchuidiú an Aontais le forbairt na hearnála gnó sóisialta atá ag teacht chun cinn agus le forbairt an mhargaidh mhicreamhaoiniúcháin san Aontas agus spreagann sé gníomhaíochtaí trasteorann. Ba cheart go mbeadh gníomhaíochtaí an Aontais ina gcomhlánú ar an úsáid a bhaineann na Ballstáit as ionstraimí airgeadais le haghaidh micreamhaoinithe agus fiontraíochta sóisialta. Eintitis a bhfuil cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí tugtha ar iontaoibh dóibh, ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil siad ag tabhairt breisluach Aontais agus nach bhfuil siad ag dúbailt maoiniú eile trí acmhainní an Aontais.

⁽¹⁾ Cinneadh 2010/707/AE ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2010 maidir le treoirlínte i dtaca le beartais fostaíochta na mBallstát (IO L 308, 24.11.2010, lch. 46).

⁽²⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1).

- (27) I gcomhréir le Eoraip 2020, ba cheart go rannchuideodh an Clár le dul i ngleic le fadhb phráinneach dhífhostaíocht na hóige. Ba cheart, dá bhrí sin, todhchaí a thabhairt do dhaoine óga agus an seans ról lárnach a bheith acu i bhforbairt na sochaí agus an gheilleagair san Eoraip, a bhfuil tábhacht faoi leith ag baint leis i rith géarchéime.
- (28) Ba cheart don Chlár freisin aird a tharraingt ar an ról agus an tábhacht speisialta atá ag fiontair bheaga maidir le hoiliúint, saimeolas agus fios gnó traidisiúnta, chomh maith lena áirithiú, a bhfuil rochtain ag daoine óga ar mhicreamhaoiniú. Ba cheart don Chlár éascaíocht a dhéanamh do mhalartú dea-chleachtas idir na Ballstáit agus tíortha eile atá rannphairteach sa Chlár i ngach ceann de na réimsí sin.
- (29) Ba cheart go dtacódh gníomhaíochtaí faoin gClár le cur chun feidhme an Mholaidh ón gComhairle ⁽¹⁾ maidir le Ráthaíocht Óige a bhunú ag na Ballstáit agus ag gníomhaithe an mhargaidh saothair. Deirtear sa Moladh sin gur cheart do gach duine óg faoi bhun 25 tairiscint mhaith fostaíochta, oideachas leanúnach, printíseacht nó cúrsa oiliúna a fháil laistigh de thréimhse ceithre mhí i ndiaidh dóibh éirí dífhostaithe nó an t-oideachas foirmiúil a fhágáil. Ba cheart don Chlár éascaíocht a dhéanamh do mhalartú dea-chleachtais idir na Ballstáit agus tíortha eile atá rannphairteach sa Chlár sa réimse sin.
- (30) De bhun Airteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus Airteagal 8 CFAE, is gá a áirithiú go rannchuideoidh an Clár le cur chun cinn an chomhionannais idir mná agus fir i ngach ceann dá aiseanna agus dá ghníomhaíochtaí, lena n-áirítear trí phríomhshruthú inscne agus, i gcás inarb ábhartha, trí ghníomhaíocht shonrach chun fostaíocht agus cuimsiú sóisialta na mban a chur chun cinn. De bhun Airteagal 10 CFAE, ba cheart don Chlár a áirithiú go rannchuideoidh chur chun feidhme a thosaíochtaí leis an gcomhrac i gcoinne an idirdhealaithe atá bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar creideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar threoshuíomh gnéasach. Ba cheart faireachán agus meastóireacht a dhéanamh chun an bealach ina dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna frith-idirdhealaithe i ngníomhaíochtaí an Chláir a mheasúnú.
- (31) Áiríodh leis an gClár Progress don tréimhse 2007-2013 rannáin dar teideal le 'Frith-idirdhealú agus éagsúlacht' agus 'Comhionannas inscne' atá le coinneáil agus le forbairt tuilleadh faoin gClár um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht don tréimhse 2014-2020. Tá sé ríthábhachtach, áfach, fócas láidir a choinneáil ar an gcomhionannas idir mná agus fir agus ar shaincheisteanna frith-idirdhealaithe i ngach tionscnamh agus gníomhaíocht ábhartha atá cumhdaithe ag an gClár, go háirithe ó thaobh feabhas a chur ar rannpháirtíocht na mban sa lucht saothair, ar a ndálaí oibre agus cothromaíocht níos fearr idir an saol proifisiúnta agus an saol príobháideach a chur chun cinn.
- (32) De bhun Airteagal 9 CFAE agus chuspóirí Eoraip 2020, ba cheart go rannchuideodh an Clár le hardleibhéal fostaíochta cáilíochta agus inbhuanaithe a áirithiú, le cosaint shóisialta leormhaith a ráthú, leis an mbochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac agus ba cheart na ceanglais a bhaineann le hardleibhéal cosanta do shláinte an duine a chur san áireamh.
- (33) Ba cheart don Chlár cláir eile de chuid an Aontais a chomhlánú, agus ag an am céanna ba cheart dó a aithint gur cheart do gach ionstraim oibriú i gcomhréir lena nósanna imeachta sonracha féin. Mar sin de, níor cheart go bhfaigheadh na costais incháilithe chéanna maoiniú dúbailte. Agus é mar aidhm aige breisluch a bhaint amach tionchar substaintiúil a bheith ag maoiniú an Aontais, ba cheart sineirgíochtaí dlútha a fhorbairt idir an Clár, cláir eile de chuid an Aontais agus na Cistí Struchtúrtha, go háirithe an CSE agus Tionscnamh Fostaíochta na hÓige. Ba cheart go mbeadh an Clár ina chomhlánú ar chlár agus ar thionscnaimh eile de chuid an Aontais a dhíríonn ar dhífhostaíocht na hóige a chomhrac.
- (34) Ba cheart an Clár a chur chun feidhme ar shlí a ndéanfaidh sé níos éasca don údarás inniúil nó do na húdaráis inniúla i ngach Ballstáit rannchuidiú le cuspóirí an Chláir a bhaint amach.
- (35) D'fhonn éifeachtúlacht níos mó a áirithiú i gcumarsáid a dhéantar leis an bpobal i gcoinne agus sineirgíochtaí níos láidre a chothú idir na gníomhaíochtaí cumarsáide a dhéantar ar thionscnamh an Choimisiúin, rannchuideoidh na hacmhainní a leithdháilfear ar ghníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide faoin gClár seo freisin le cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais ar feadh a mbaineann siad le cuspóirí ginearálta an Chláir seo, agus soláthróidh siad faisnéis fúthu.
- (36) Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais, ar feadh tréimhse iomlán an Chláir arb a bheid an tsum phríomhthagartha, de réir bhrí Phointe 17 den Chomhaontú Idirinstitiúideach [an 2 Nollaig 2013] idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar i gcúrsaí buiséadacha agus le bainistíocht fhóna airgeadais ⁽²⁾, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.
- (37) Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhíthin beart comhréireach ar feadh an timthrialla caiteachais, lena n-áirítear neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, pionóis i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

⁽¹⁾ Moladh ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir le Ráthaíocht Óige (IO C 120, 26.4.2013, lch.1)

⁽²⁾ IO C 373, 20.12.2013, lch. 1

- (38) Chun a áirithiú go mbeidh an Clár sách solúbtha chun freagairt do riachtanais atá ag athrú agus do na tosaíochtaí beartais comhfhreagracha le linn a thréimhse, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le hathdháileadh cistí idir na haiseanna agus chuig na rannáin indibhidiúla téamacha laistigh d'aiseanna an Chláir. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle go comhuaineach, go tráthúil agus ar bhealach iomchuí.
- (39) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.
- (40) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr, de bharr a bhfairsinge agus a n-éifeachtaí, is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

TEIDEAL I

FORÁLACHA COITEANNA

Airteagal 1

Ábhar

1. Bunaítear leis an Rialachán seo Clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta ('an Clár'), lena ndírítear ar rannchuidiú le cur chun feidhme Eoraip 2020, lena n-áirítear a príomhspríocanna, a Treoirlínte Comhtháite agus a tionscnaimh shuaitheanta trí thacaíocht airgeadais a sholáthar do chuspóirí an Aontais maidir le hardleibhéal fostaíochta cáilíochta agus inbhuanaithe a chur chun cinn, cosaint shóisialta leormhaith agus chuibhíúil a ráthú, eisiámh sóisialta agus bochtaineacht a chomhrac agus dálaí oibre a fheabhsú.

2. Mairfidh an Clár ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

Airteagal 2

Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo:

- (1) ciallaíonn 'fiontar sóisialta' gnóthas, beag beann ar a fhoirm dhlí:
- (a) a bhfuil sé mar phríomhaidhm aige tionchair shóisialta intomhaiste dearfacha a bhaint amach seachas brabús a dhéanamh dá úinéirí, dá chomhaltaí agus dá scairshealbhóirí, i gcomhréir lena Airteagal Chomhlachais, lena Reachtanna nó le haon doiciméad dlíthuile eile lenar bunaíodh an gnó, agus a bhfuil na nithe seo a leanas fíor ina leith:
- (i) go soláthraíonn sé seirbhísí nó earraí a thugann toradh sóisialta agus/nó
- (ii) go n-úsáideann sé modh táirgthe earraí nó seirbhísí trína léirítear a chuspóir sóisialta;
- (b) go n-úsáideann sé a bhrabúis go príomha chun a phríomhaidhm a bhaint amach agus go bhfuil nósanna imeachta agus rialacha réamh-mhínte leagtha síos aige maidir le haon imthosca ina ndáiltear brabús ar scairshealbhóirí agus ar úinéirí chun a áirithiú nach ndéanfaidh dáileadh den sórt sin dochar dá phríomhaidhm; agus
- (c) go ndéantar é a bhainistiú ar bhealach fiontraíoch, cuntasach agus trédhearcach, go háirithe trí ról a thabhairt d'oibrithe, do chustaiméirí agus do gheallsealbhóirí a mbíonn tionchar ag a chuid gníomhaíochtaí gnó orthu;
- (2) ciallaíonn 'micrichreidmheas' iasacht suas le EUR 25 000;
- (3) ciallaíonn 'micrifhiontar' fiontar, lena n-áirítear duine féinfhostaithe, ina bhfuil níos lú ná 10 nduine fostaíthe, agus nach bhfuil a láimhdeachas bliantúil nó iomlán bliantúil a chlár chomhardaithe níos mó ná EUR 2 mhilliún, i gcomhréir le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún ⁽²⁾,
- (4) cuimsítear le 'micreamhaoiniú' ráthaíochtaí, micrichreidmheas, gnáthscaireanna agus samhail-ghnáthscaireanna a thugtar do dhaoine agus do mhicrifhiontair a bhfuil deacrachtaí acu rochtain a fháil ar chreidmheas;
- (5) ciallaíonn 'nuálaíochtaí sóisialta' nuálaíochtaí atá sóisialta ó thaobh a gcuspóra agus a riachtanas de araon agus go háirithe iad siúd a bhaineann le forbairt agus le cur chun feidhme smaointe nua (maidir le táirgí, seirbhísí agus samhlacha) a chomhlíonann riachtanais shóisialta agus ag an am céanna a chruthaíonn caidreamh nó comharaíochtaí sóisialta nua agus ar an gcaoi sin téann siad chun leasa na sochaí agus treisíonn siad freisin inniúlacht na sochaí chun gníomhú;

⁽²⁾ Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

(6) ciallaíonn 'tástáil beartais shóisialta' idirghabhálacha beartais a thugann freagra nuálaíoch a riachtanais shóisialta, ar idirghabhálacha iad a chuirtear chun feidhme ar scála beag agus i gcoinníollacha lena ligtear a dtionchar a thomhas sula ndéantar arís iad ar scála níos mó, má tá na torthaí dearfach.

Airteagal 3

Struchtúr an Chláir

1. Beidh na trí ais chomhlántachta seo a leanas sa Chlár:

- (a) An ais maidir le Dul Chun Cinn, a thacóidh le forbairt, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht ar ionstraimí Aontais agus ar bheartais Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1 agus dlí ábhartha an Aontais, agus a chuirfidh chun cinn ceapadh beartas fianaise-bhunaithe, nuálaíocht shóisialta agus dul chun cinn sóisialta, i gcomhpháirtíocht leis na comhpháirtithe sóisialta, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le comhlachtaí poiblí agus príobháideacha.
- (b) An ais maidir le EURES a thacóidh le gníomhaíochtaí a dhéanann EURES, eadhon na seirbhísí sainiúla atá ainmnithe ag stáit LEE agus Cónaidhm na hEilvéise, mar aon le comhpháirtithe sóisialta, soláthróirí seirbhíse fostaíochta eile agus páirtithe leasmhara eile, chun malartuithe agus scaipeadh faisnéise agus cineálacha eile comhair a fhorbairt, amháil comhpháirtíochtaí trasteorann, chun soghluaisteacht gheografach dheonach d'oibrithe a chur chun cinn ar bhonn cothrom agus chun rannchuidiú le hardleibhéal fostaíochta cáilíochta agus inbhuanaithe.
- (c) An ais maidir le Micreamhaoiniú agus Fiontraíocht Shóisialta, lena méadófar rochtain ar mhaoiniú agus infhaighteacht maoinithe do dhaoine dlítheanacha agus fisiciúla de bhun Airteagal 26.

2. Beidh feidhm ag na forálacha coiteanna a leagtar síos sa Teideal seo maidir leis na trí hais uile a leagtar amach i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 1, chomh maith le forálacha sonracha Theideal II.

Airteagal 4

Cuspóirí ginearálta an Chláir

1. Beidh na cuspóirí ginearálta seo a leanas i gceist leis an gClár:

- (a) úinéireacht a threisiú i measc lucht déanta beartas ar gach leibhéal, agus gníomhaíochtaí nithiúla, comhordaithe agus nuálaíoch a thabhairt i gcrích ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal an Bhallstáit araon, i ndáil le cuspóirí an Aontais sna réimsí dá dtagraítear in Airteagal 1, i ndlúthchomharáocht leis na comhpháirtithe sóisialta, chomh maith le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus comhlachtaí poiblí agus príobháideacha;
- (b) tacú le forbairt córas cosanta sóisialta agus margáí saothair atá leormhaith, inrochtana agus éifeachtach agus athchóiriú beartais a éascú, sna réimsí dá dtagraítear in Airteagal 1, go sonracha trí obair agus dálaí oibre cuibhiúla a chur chun

cinn, mar aon le cultúr an choisc do shláinte agus sábháilteacht ag an obair, cothromaíocht níos sláintiúla idir an saol proifisiúnta agus an saol príobháideach agus do dhearialachas do chuspóirí sóisialta, lena n-áirítear cóineasú, chomh maith le foghlaim fhrithphárteach agus nuálaíocht shóisialta;

- (c) a áirithiú go gcuirfeadh i bhfeidhm go héifeachtach dlí an Aontais maidir le nithe a bhaineann leis na réimsí dá dtagraítear in Airteagal 1, agus, i gcás inarb iomchuí, rannchuidiú le nua-aoisiú dhlí an Aontais, ar aon dul le prionsabail oibre chuibhiúla, agus ag cur san áireamh prionsabail na Rialála Cliste;
- (d) soghluaisteacht gheografach dheonach oibrithe a chur chun cinn ar bhonn cothrom agus borradh a chur faoi dheiseanna fostaíochta trí mhargaí saothair Aontais a fhorbairt atá ar ardcháilíocht agus cuimsitheach agus atá oscailte agus inrochtana do chách agus ag an am céanna cearta oibrithe ar fud an Aontais lena n-áirítear saoirse gluaiseachta a urramú.
- (e) fostaíocht agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí infhaighteacht agus inrochtaineacht micreamhaoinithe a mhéadú do dhaoine leochaileacha ar mian leo micrifhiontar a thosú agus do mhicrifhiontair atá ann cheana, agus trí rochtain ar mhaoiniú d'fhiontair shóisialta a mhéadú.

2. I saothrú na gculpóirí sin, beidh sé mar aidhm ag an gClár, ina chuid aiseanna agus gníomhaíochtaí uile, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) aird faoi leith a thabhairt ar ghrúpaí leochaileacha, amháil daoine óga;
- (b) comhionannas idir mná agus fir a chur chun cinn, lena n-áirítear trí phróimhshruthú inscne agus, sa chás gur cuí, buiséadú inscne;
- (c) idirdhealú atá bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar aois nó ar threosuíomh gnéasach a chomhrac;
- (d) agus beartais agus gníomhaíochtaí an Aontais á sainmhíniú agus á gcur chun feidhme aige, ardleibhéal fostaíochta cáilíochta agus inbhuanaithe a chur chun cinn, cosaint shóisialta leormhaith agus chuibhiúil a ráthú, dífhostaíocht fhadtéarmach a chomhrac agus an troid i gcoinne na bochtaineachta agus an eisiamh shóisialta.

Airteagal 5

An Buiséad

1. EUR 919 469 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais chun an Clár a chur chun feidhme don tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020.

2. Leithdháilfear na céatadáin tháscacha seo a leanas ar na haiseanna a leagtar amach in Airteagal 3(1):

- (a) 61 % don ais maidir le Progress;

(b) 18 % don ais maidir le EURES;

(c) 21 % don ais maidir le Micreamhaoiniú agus Fiontraíocht Shóisialta.

3. Féadfaidh an Coimisiún úsáid a bhaint as suas go 2 % den imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i mír 1 chun caiteachais oibríochtúla chun tacú le cur chun feidhme an Chláir a mhaoiniú.

4. Féadfaidh an Coimisiún úsáid a bhaint as an imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i mír 1 chun cúnamh teicniúil agus/nó cúnamh riaracháin a mhaoiniú, go háirithe maidir le hiniúcháiríocht, eisfhoinníú aistriúcháin, cruinnithe saineolaithe, agus gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide ar comhleas don Choimisiún agus do na tairbhíthe.

5. Déanfar leithreasáil bliantúla a údarú ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle laistigh de heorainneacha atá leagtha síos sa chreat airgeadais ilbhliantúil.

Airteagal 6

Gníomhaíocht chomhpháirteach

Féadfar gníomhaíochtaí atá incháilithe faoin gClár a chur chun feidhme go comhpháirteach le hionstraimí Aontais eile, ar choinníoll go gcomhlíonann na gníomhaíochtaí sincuspóirí an Chláir agus cuspóirí na n-ionstraimí eile lena mbaineann araon.

Airteagal 7

Comhsheasmhacht agus comhlántacht

1. Áiríteoidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, go mbeidh na gníomhaíochtaí a dhéantar faoin gClár ar aon dul le agus comhlántach le gníomhaíochtaí Aontais eile, amhail Cisté Struchtúrtha agus Infheistiúcháin na hEorpa (CSIEanna) amhail a shonraítear sa Chomhchreat Straitéiseach a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾, go háirithe faoi CSE.

2. Déanfaidh an Clár clár eile de chuid an Aontais a chomhlánú gan dochar do nósanna imeachta sonracha na gclár sin. Ní bhfaighidh na costais incháilithe chéanna maoiníú dúbailte, agus forbrófar sineirgíochtaí dlútha idir an Clár, clár eile an Aontais agus CSIEanna, go háirithe CSE.

3. Comhlíonfaidh na gníomhaíochtaí arna dtacú ag an gClár dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta, lena n-áirítear rialacha maidir le státhabhair, agus Coinbhinsiún bhunúsacha an EIS.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, le Ciste Talmhaíochta na hEorpa um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh arna gcumhdach ag an gComhchreat Straitéiseach agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa agus leis an gCiste Comhtháthaithe (Féach leathanach 320 den Iris Oifigiúil seo).

4. Áiríteofar comhsheasmhacht agus comhlántacht freisin trí dhlúthbhaint a bheith ag údaráis áitiúla agus réigiúnacha leis.

Airteagal 8

Comhar le comhlachtaí ábhartha

Bunóidh an Coimisiún na naisc riachtanacha leis an gCoiste Fostaíochta, leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta, leis an gCoiste Comhairleach ar Shláinte agus Sábháilteacht ag an Obair, le Grúpa na nArd-Stiúrthóirí don Chaidreamh Tionsclaíoch agus leis an gCoiste Comhairleach ar Shaoirse Gluaiseachta d'Oibrithe d'fhonn a áirithiú go gcoimeádfar ar an eolas iad go rialta agus go hiomchuí faoin dul chun cinn i gcur chun feidhme an Chláir. Cuirfidh an Coimisiún coistí eile a dhéileálann le beartais, ionstraimí agus gníomhaíochtaí atá ábhartha don Chlár ar an eolas freisin.

Airteagal 9

Torthaí agus cumarsáid a scaipeadh

1. Cuirfidh an Coimisiún geallsealbhóirí an Aontais, lena n-áirítear comhpháirteithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ar an eolas faoi na torthaí maidir le cur chun feidhme an Chláir, agus iarrfar orthu tuairimí a mhalartú.

2. Déanfar torthaí na ngníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme faoin gClár a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún, agus freisin do na comhpháirteithe sóisialta agus don phobal, agus scaipfead go rialta agus go hiomchuí iad, d'fhonn a dtionchar, a n-inbhuanaitheacht agus a mbreisluach Aontais a uasmhéadú.

3. Rannchuideoidh gníomhaíochtaí cumarsáide freisin le cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais Eorpaigh, ar feadh a mbaineann siad le cuspóirí ginearálta an Rialacháin seo, agus cuirfidh siad faisnéis faoi na tosaíochtaí sin ar fáil don phobal.

Airteagal 10

Forálacha airgeadais

1. Déanfaidh an Coimisiún an Clár a bhainistiú i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

2. Sonróidh an comhaontú deontais an chuid de rannchuidú airgeadais an Aontais a bheidh bunaithe ar aisíocaíocht costas incháilithe iarbhír agus an chuid a bheidh bunaithe ar rátaí comhréidhe, ar chostais aonaid nó ar chnapshuimeanna.

Airteagal 11

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

1. Glacfaidh an Coimisiún bearta coisctheacha iomchuí chun a áirithiú, nuair a chuirtear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin gClár seo chun feidhme, go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais ar chalaíocht, ar éilliú agus ar aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí sheiceálacha éifeachtacha agus, agus má bhraitear neamhrialtachtaí, trí acmhainní a aisghabháil, trí

fhritháireamh go príomha, ach, i gcás inarb iomchuí, trí fhionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur, i gcomhréir le hAirteagal 325 CFAE, le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95⁽¹⁾ agus leis an Rialachán Airgeadais.

2. Beidh cumhacht iniúchóireachta ag an gCoimisiún nó ag a ionadaithe agus ag an gCúirt Iniúchóirí, ar bhonn doiciméad agus seiceálacha ar an láthair, i dtaca le gach tairbhí deontas, ar gach conraitheoir agus ar gach fochonraitheoir a fuair cistí de chuid an Aontais faoin gClár.

3. Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013⁽²⁾ agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle maidir le seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus míréireachtaí eile⁽³⁾, d'fhonn a shuíomh cé acu an raibh nó nach raibh calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach ann a dhéanadh difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó le cinneadh deontas nó le conradh a maoiníodh faoin gClár.

4. Gan dochar do mhír 1, do mhír 2 agus do mhír 2a, beidh forálacha i gconarthaí, i gcomhaontuithe deontais agus i gcinní deontais a eascraíonn as cur chun feidhme an Chláir seo lena gcumhachtófar go sainráite don Choimisiún, don Chúirt Iniúchóirí agus do OLAF na hiniúchtaí agus na himscrúduithe dá dtagraítear sna míreanna sin a sheoladh, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach.

Airteagal 12

Faireachán

D'fhonn faireachán rialta a dhéanamh ar an gClár agus d'fhonn aon choigeartuithe is gá ar a thosaíochtaí beartais agus cistiúcháin a dhéanamh, tarraingeoidh an Coimisiún suas tuarascáil tosaigh faireacháin cháilíochtúil agus chainníochtúil lena gcumhdófar bliain amháin agus, ina dhiaidh sin, trí thuarascáil lena gcumhdófar tréimhsí dhá bhliain comhleanúnacha agus cuirfidh sé chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle iad. Cuirfear na tuarascálacha ar aghaidh freisin, chun críocha eolais, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiúin. Cumhdóidh na tuarascálacha torthaí an Chláir agus a mhéid a cuireadh i bhfeidhm prionsabail an chomhionannais idir mná agus fir, agus an phríomhshruthaithe inscne agus an chaoi ar tugadh aghaidh ar bhreithnithe frith-idirdhealaithe, lena n-áirítear

⁽¹⁾ Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.1995, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 1999 maidir le himscrúduithe arna seoladh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus míréireachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

saincheisteanna inrochtaineachta, tríd bhíthin a ghníomhaíochtaí. Cuirfear na tuarascálacha ar fáil don phobal chun cur le trédhearcacht an Chláir.

Airteagal 13

Meastóireacht

1. Déanfar meastóireacht lár téarma ar an gClár faoin 1 Iúil 2017 chun an dul chun cinn atá déanta aige maidir le cuspóirí an Chláir a bhaint amach a thomhas, ar bhonn cáilíochtúil agus cainníochtúil, chun aghaidh a thabhairt ar an timpeallacht shóisialta laistigh den Aontas agus ar aon athrú mór a tugadh isteach le reachtaíocht an Aontais, chun a chinneadh cé acu ar baineadh úsáid éifeachtach as acmhainní an Chláir nó nár baineadh agus chun a bhreisluach Aontais a mheas. Cuirfear torthaí na meastóireachta lár téarma sin i láthair Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

2. Má nochtar go bhfuil easnaimh mhóra sa Chlár leis an meastóireacht dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, nó in aon mheastóireacht a dhéantar de bhun Airteagal 19 de Chinneadh Uimh. 1672/2006/CE nó Airteagal 9 de Chinneadh Uimh. 283/2010//AE, cuirfidh an Coimisiún, más iomchuí, togra faoi bhráid Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle, lena n-áirítear leasuithe iomchuí ar an gClár, chun torthaí na meastóireachta a chur san áireamh.

3. Sula ndéanfar aon togra d'fhadú an Chláir níos faide ná 2020, cuirfidh an Coimisiún meastóireacht ar láidreachtaí agus laigeachtaí coincheapúla an Chláir sa tréimhse 2014 go 2020 i láthair Parlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiúin.

4. Faoin 31 Nollaig 2022, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ex-post ar thionchar agus ar bhreisluach Aontais agus cuirfidh sé tuarascáil ina mbeidh an mheastóireacht sin chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiúin. Cuirfear an tuarascáil ar fáil don phobal.

TEIDEAL II

FORÁLACHA ATÁ SONRACH D'AISEANNA CLÁIR

CAIBIDIL I

An Ais maidir le Dul Chun Cinn

Airteagal 14

Rannáin théamacha agus maoiniú

1. Tacóidh an ais maidir le Progress le gníomhaíochtaí i gceann amháin nó níos mó de na rannáin théamacha a liostaítear i bpointí (a), (b) agus (c). Cloifidh an miondealú tascach dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 5(2) den leithdháileadh idir na rannáin éagsúla leis na híos-chéatadain seo a leanas thar thréimhse iomlán an Chláir:

- (a) fostaíocht, go háirithe chun dífhostaíocht na hóige a chomhrac: 20 %;
- (b) cosaint shóisialta, cuimsiú sóisialta agus laghdú agus cosc na bochtaineachta: 50 %;
- (c) dálaí oibre: 10 %.

Leithdháilfear aon fhuílleach ar cheann amháin nó níos mó de na rannáin théamacha dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) nó ar theaghlaim díobh sin.

2. Ón leithdháileadh foriomlán don ais maidir le Progress, agus laistigh dá réimsí éagsúla beartais, leithdháilfear 15 go 20 % de sin ar thástáil shóisialta a chur chun cinn mar mhodh chun réitigh nuálacha a thriail agus a mheas d'fhonn iad a mhéadú ó scála.

Airteagal 15

Cuspóirí sonracha

I dteannta na gcuspóirí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 4, is iad cuspóirí sonracha na haise maidir le Progress:

- (a) eolas anailíseach comparáideach ar ardchaighdeán a fhorbairt agus a scaipeadh d'fhonn a áirithiú go mbeidh beartais an Aontais sna réimsí dá dtagraítear in Airteagal 1 bunaithe ar fhianaise fhónta agus iad ábhartha maidir le riachtanais, le dúshlán agus le dálaí sna Ballstáit ar leith agus sna tíortha eile atá rannpháirteach sa Chlár;
- (b) comhroinnt faisnéise, foghlaim fhrithpháirteach agus plé, atá éifeachtach agus cuimsitheach, i dtaca le beartais an Aontais sna réimsí dá dtagraítear in Airteagal 1 a éascú ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta chun cabhrú leis na Ballstáit agus leis na tíortha eile atá rannpháirteachsa Chlár a gcuid beartais a fhorbairt agus dlí an Aontais a chur chun feidhme;
- (c) tacaíocht airgeadais a thabhairt chun tástáil a dhéanamh ar nuálaíochtaí beartais mhargadh an tsaothair agus shóisialta, agus, i gcás inar gá, cumas na bpríomhghníomhaithe a fhorbairt chun tástáil beartais shóisialta a dhearadh agus a chur chun feidhme, agus an t-eolas agus an saineolas iomchuí a dhéanamh inrochtana;
- (d) tacaíocht airgeadais a thabhairt don Aontas agus d'eagraíochtaí náisiúnta chun an cumas atá acu a mhéadú chun cur chun feidhme beartais agus reachtaíocht an Aontais a fhorbairt, a chur chun cinn agus tacú léi dá dtagraítear in Airteagal 1 agus i ndlí ábhartha an Aontais.

Airteagal 16

Cineálacha gníomhaíochtaí

Féadfar na cineálacha gníomhaíochtaí seo a leanas a mhaoiniú faoin ais maidir le Progress:

1. Gníomhaíochtaí anailíseacha:

- (a) bailiú sonraí agus staidreamh, ag cur san áireamh critéar cáilíochtúil agus cainníochtúil araon, chomh maith le modheolaíochtaí coiteanna, aicmiúcháin, micrea-samhlúcháin, táscairí agus tagarmharcanna a fhorbairt, agus, i gcás inarb iomchuí, iad miondealaithe de réir gnéis agus aoisghrúpa;

(b) suirbhéanna, staidéir, anailísí agus tuarascálacha, lena n-áirítear trí líonraí saineolaithe a mhaoiniú agus trí shaineolas maidir le rannáin téamacha a fhorbairt;

(c) meastóireachtaí cáilíochtúla agus cainníochtúla agus measúnuithe tionchair arna ndéanamh ag comhlachtaí poiblí agus príobháideacha araon;

(d) faireachán agus measúnú ar thrasuí agus ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais;

(e) tástáil beartais shóisialta a ullmhú agus a chur chun feidhme mar mhodh chun réitigh nuálacha a thriail agus a mheas d'fhonn iad a mhéadú ó scála;

(f) scaipeadh thorthaí na ngníomhaíochtaí anailíseacha sin.

2. Gníomhaíochtaí foghlama frithpháirtí, feasachta agus scaipthe:

(a) malartuithe agus scaipeadh dea-chleachtas, cineálacha cur chuige nuálacha agus taithí nuálach, athbhreithnithe piaraí, tagarmharcáil agus foghlaim fhrithpháirteach ar an leibhéal Eorpach;

(b) imeachtaí, comhdhálacha agus seimineáir Uachtaránacht na Comhairle;

(c) cleachtóirí dlí agus beartais a oiliúint;

(d) treoracha, tuarascálacha agus ábhar oideachasúil a dhréachtú agus a fhoilsiú agus bearta a bhaineann le faisnéis, cumarsáid agus clúdach meán na dtionscnamh a dtacaíonn an Clár leo;

(e) gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide;

(f) córais faisnéise a fhorbairt agus a chothabháil d'fhonn faisnéis a mhalartú agus a scaipeadh maidir le beartais agus reachtaíocht Aontais agus ar an margadh saothair.

3. Tacaíocht maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) costais oibriúcháin príomhghrásaín ar leibhéal an Aontais a mbaineann a gcuid gníomhaíochtaí le cuspóirí na haise maidir le Progress agus a rannchuidíonn siad leo;

(b) forbairt cumais riarachán náisiúnta agus sainseirbhísí atá freagrach as soghluaisteacht gheografach a chur chun cinn, arna n-ainmniú ag na Ballstáit agus ag soláthraithe micrichreidmheasa;

(c) grúpaí oibre d'oifigigh náisiúnta a eagrú chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme dhlí an Aontais;

- (d) líonrú agus comhar i measc sainchomhlachtaí agus geallsealbhóirí ábhartha eile, údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, agus seirbhísí fostaíochta ar an leibhéal Eorpach;
- (e) faireachlanna ar an leibhéal Eorpach a mhaoiniú, lena n-áirítear ar phríomhrannáin théamacha;
- (f) malartú pearsanra idir riaracháin náisiúnta.

Airteagal 17

Cómhaoiniú Aontais

I gcás ina ndéantar gníomhaíochtaí faoin ais maidir le Progress a mhaoiniú i ndiaidh glaonna ar thograí, féadfaidh siad, mar rialí ghinearálta, cómhaoiniú ón Aontas a fháil nach mó ná 80 % den chaiteachas incháilithe iomlán. Ní dhéanfar aon tacaíocht os cionn na huasteorann sin a dheonú ach amháin i gcúinsí eisceachtúla cuí-réasúnaithe.

Airteagal 18

Rannpháirtíocht

1. Féadfaidh na tíortha seo a leanas a bheith rannpháirteach san ais maidir le Progress:
 - (a) Ballstáit;
 - (b) tíortha LEE, i gcomhréir le Comhaontú LEE agus ballstáit EFTA;
 - (c) na tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha, i gcomhréir leis na príonsabail ghinearálta agus na téarmaí agus na coinníollacha ginearálta atá leagtha síos sna creat-chomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích leo ar a rannpháirtíocht i gclár an Aontais.
2. Féadfaidh na comhlachtaí, gníomhaithe agus institiúidí poiblí agus/nó príobháideacha uile, agus go háirithe na cinn seo a leanas a bheith rannpháirteach san ais maidir le Dul Chun Cinns:
 - (a) údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla;
 - (b) seirbhísí fostaíochta;
 - (c) sainchomhlachtaí dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais;
 - (d) na comhpháirtithe sóisialta;
 - (e) eagraíochtaí neamhrialtasacha;
 - (f) institiúidí ardoideachais agus institiúidí taighde;
 - (g) saineolaithe i meastóireacht agus i measúnú tionchair;
 - (h) oifigí staidrimh náisiúnta;
 - (i) na meáin.

3. Féadfaidh an Coimisiún comhoibriú le heagraíochtaí idirnáisiúnta, agus go háirithe le Comhairle na hEorpa, leis an ECFE, leis an EIS, le comhlachtaí eile de chuid na Náisiún Aontaithe agus leis an mBanc Domhanda.

4. Féadfaidh an Coimisiún comhoibriú le tríú tíortha nach bhfuil rannpháirteach sa Chlár. Féadfaidh ionadaithe na dtíortha sin freastal ar imeachtaí comhleasa (amhail comhdhálacha, ceardlanna agus seimineáir) a tharlaíonn i dtíortha atá rannpháirteach sa Chlár agus féadfar an costas i ndáil lena bhfreastal a chumhdach tríd an gClár.

CAIBIDIL II

An ais maidir le EURES

Airteagal 19

Rannáin théamacha agus maoiniú

Tacóidh an ais maidir le EURES le gníomhaíochtaí i gceann amháin nó níos mó de na rannáin théamacha a liostaítear i bpointí (a), (b) and (c). Cloífidh miondealú tascach an leithdháilte a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 5(2) idir na rannáin éagsúla leis na híos-chéatadáin seo a leanas thar thréimhse iomlán an chláir:

- (a) trédhearcacht maidir le folúntais poist, le hiarratais ar phost agus le haon fhaisnéis ghaolmhar d'iarrthóirí agus d'fhostóirí: 32 %;
- (b) seirbhísí a fhorbairt chun oibríthe a earcú agus a chur i bhfostaíocht trí fholúntais agus iarratais ar phoist a imréiteach ar leibhéal an Aontais, go háirithe scéimeanna soghluaisteacha spriocdhírith: 30 %;
- (c) comhpháirtíochtaí trasteorann: 18 %.

Leithdháilfear aon fúlleach ar cheann amháin nó níos mó de na rannáin théamacha dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) nó i bpointe (c), nó ar theaghlaim díobh sin.

Airteagal 20

Cuspóirí sonracha

I dteannta na gcuspóirí ginearálta atá leagtha amach in Airteagal 4, is iad cuspóirí sonracha na haise maidir le EURES:

- (a) a áirithiú go ndéanfar folúntais post agus iarratais ar phoist, agus faisnéis agus comhairle chomhfhreagrach chomh maith le haon fhaisnéis ghaolmhar cosúil leis sin a bhaineann le dálaí maireachtála agus oibre, trédhearcach do na hiarratasóirí féideartha agus do na fostóirí, faoi seach. Bainfear é sin amach trí mhalartú agus scaipeadh ar an leibhéal trasnáisiúnta, idir-réigiúnach agus trasteorann trí úsáid a bhaint as foirmeacha caighdeánacha idir-inoibritheachta d'fholúntais poist agus d'iarratais ar phoist agus trí bhealaí oiriúnacha eile, amhail comhairliú agus meantóireacht aonair, go háirithe dóibh siúd ar bheagán oiliúna;

(b) tacú le soláthar seirbhísí EURES ar seirbhísí iad a dhéanann earcú agus socrú oibríthe i bhfostaíocht cáilíochta agus inbhuanaithe a chur chun cinn trí fholúntais agus iarratais a imríteach; leathnóidh tacaíocht do sheirbhísí EURES go dtí céimeanna éagsúla socrúcháin, ó ullmhúchán réamh-earcaíochta go cúnamh iar-socrúcháin d'fhonn an t-iarrthóir a chomhlháthú go rathúil sa mhargadh saothair; d'fhéadfadh scéimeanna soghluaisteachta spriocdhíríthe a bheith i gceist lena leithéid de sheirbhísí tacaíochta chun folúntais poist a líonadh in earnáil, gairm bheatha, tír nó grúpa tíortha áirithe nó do ghrúpaí áirithe oibríthe, amhail daoine óga a mbeadh luí acu leis an tsoghluaisteacht, i gcás inar sainaithníodh gá soiléir eacnamaíoch.

Airteagal 21

Cineálacha Gníomhaíochtaí

Féadfar an ais maidir le EURES a úsáid chun gníomhaíochtaí a mhaoiniú chun soghluaisteacht dheonach daoine aonair san Aontas a chur chun cinn ar bhonn cothrom agus chun bacainní soghluaisteachta a bhaint as, agus go háirithe:

- (a) forbairt agus gníomhaíochtaí comhpháirtíochtaí trasteorann EURES sa chás go n-iarrann seirbhísí é a bhfuil freagracht chríochach orthu as réigiúin teorann;
- (b) seirbhísí faisnéise, comhairliú, socrúcháin agus earcaíochta a sholáthar d'oibríthe trasteorann;
- (c) forbairt an ardáin dhigitigh ilteangaigh d'imríteach folúntas poist agus iarratas ar phoist;
- (d) scéimeanna soghluaisteachta spriocdhíríthe a fhorbairt, i ndiaidh glaonna ar thograí, chun folúntais post a líonadh, sa chás gur aithníodh easnaimh sa mhargadh saothair, agus/nó chun cabhrú le hoibríthe a bhfuil claonadh acu a bheith soghluaiste sa chás go bhfuil riachtanas soiléir eacnamaíoch aitheanta;
- (e) foghlaim fhrithpháirteach idir gníomhaithe EURES agus oiliúint comhairleoirí EURES, lena n-áirítear comhairleoirí chomhpháirtíocht trasteorann EURES;
- (f) gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun feasacht a ardú maidir leis na tairbhí a bhaineann le soghluaisteacht gheografach agus ceirde i gcoitinne agus leis na gníomhaíochtaí agus seirbhísí atá á soláthar ag EURES.

Airteagal 22

Cómhaoiniú Aontais

I gcás ina ndéantar gníomhaíochtaí faoin ais maidir le EURES a mhaoiniú i ndiaidh glaonna ar thograí, ní rachaidh cómhaoiniú Aontais, mar riail ghinearálta, thar 95 % den chaiteachas incháilithe iomlán. Ní dheonófar aon tacaíocht airgeadais os cionn na huasteorann sin ach amháin i gcúinsí eisceachtúla cuí-réasúnaithe.

Airteagal 23

Faireachán ar Phatrúin Soghluaisteachta

D'fhonn éifeachtaí díobhálacha a bhrath agus a chosc i ndáil le soghluaisteacht gheografach idir-Aontais, déanfaidh an Coimisiún, mar aon leis na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh 492/2011, faireachán rialta ar shreabha agus ar phatrúin soghluaisteachta.

Airteagal 24

Rannpháirtíocht

1. Beidh rannpháirtíocht san ais maidir le EURES ar oscailt dóibh seo a leanas:

- (a) Ballstáit:
- (b) tíortha LEE, i gcomhréir le Comhaontú LEE, agus Cónaidhm na hEilvéise, i gcomhréir leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine ⁽¹⁾.

2. Beidh rannpháirtíocht san ais maidir le EURES ar oscailt do na comhlachtaí, na gníomhaithe, agus na institiúidí poiblí uile atá ainmnithe ag Ballstát nó ag an gCoimisiún agus a chomhlíonann na coinníollacha chun a bheith rannpháirteach in líonra EURES a bheith rannpháirteach, mar atá leagtha amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme 2012/733/CE ón gCoimisiún. Áireofar, go háirithe, ar chomhlachtaí, ar ghníomhaithe agus ar institiúidí den sórt sin:

- (a) údarais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla;
- (b) seirbhísí fostaíochta;
- (c) eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta agus páirtithe leasmhara eile.

CAIBIDIL III

An Ais maidir le Micreamhaoiniú agus Fiontraíocht Shóisialta

Airteagal 25

Rannáin théamacha agus maoiniú

Tacóidh an ais maidir le Micreamhaoiniú agus Fiontraíocht Shóisialta le gníomhaíochtaí i gceann amháin nó níos mó de na rannáin théamacha a liostaítear i bpointí (a) agus (b). Cloifidh miondealú tásach an leithdháilte a leagtar amach i bpointe (c) d'Airteagal 5(2) idir na rannáin éagsúla leis na híos-cheatadáin seo a leanas le linn tréimhse iomlán an chláir:

- (a) micreamhaoiniú do ghrúpaí leochaileacha agus do mhicrifhiontair: 45 %;
- (b) fiontraíocht shóisialta: 45 %.

⁽¹⁾ IO L 114, 30.4.2002, lch. 6.

Leithdháilfear aon fhuílleach ar na rannáin théamacha dá dtagraítear i bpointe (a) nó i bpointe (b) nó ar mheascán dóibh.

Airteagal 26

Cuspóirí sonracha

I dteannta na gcuspóirí sonracha atá leagtha amach in Airteagal 4, is iad cuspóirí sonracha na haise maidir le Micreamhaoiniú agus Fiontraíocht Shóisialta:

- (a) rochtain agus infhaighteacht ar mhicreamhaoiniú dóibh seo a leanas a mhéadú:
 - (i) daoine leochaileacha a chaill a bpost nó atá i mbaol a bpost a chailleadh, nó daoine a bhfuil deacracht acu dul isteach i margadh an tsaothair nó filleadh air, nó daoine atá i mbaol a bheith eisiata go sóisialta agus atá faoi mhíbhuntáiste maidir le rochtain ar an ngnáthmhargadh creidmheasa agus ar mian leo a micrifhiontair féin a thosú nó a fhorbairt;
 - (ii) micrifhiontair ag an staid nuathionscanta agus forbartha araon, go speisialta micrifhiontair a fhostaíonn daoine dá dtagraítear i bpointe (a);
- (b) Cumas institiúideach na soláthraithe micrichreidmheasa a fhorbairt;
- (c) Tacú le margadh na hinfheistíochta sóisialta a fhorbairt chun rochtain ar mhaoiniú d'fhiontair shóisialta a éascú trí ghnáthscaireanna, samhail-ghnáthscaireanna, ionstraimí d'iasachtaí agus deontais suas go dtí EUR 500 000 a chur ar fáil d'fhiontair shóisialta, a bhfuil láimhdeachas bliantúil nach mó ná EUR 30 milliún acu nó iomlán bliantúil den chlár comhardaithe nach mó ná EUR 30 milliún, nach gnóthas comhinfeistíochta iad féin.

D'fhonn comhlántacht a áirithiú, déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit, ina réimsí inniúlachta faoi seach, na gníomhaíochtaí seo a chomhordú go dlúth leo siúd a dtugtar fúthu i gcreat an bheartais chomhtháthaithe agus na mbeartas náisiúnta.

Airteagal 27

Cineálacha gníomhaíochtaí

Féadfar tacaíocht do mhicreamhaoiniú agus d'fhiontair shóisialta, lena n-áirítear forbairt cumais institiúidigh, go háirithe trí na hionstraimí airgeadais a bhforáiltear dóibh faoi Theideal VIII de Chuid a haon den Rialachán Airgeadais, agus deontais a sholáthar faoin ais maidir le Micreamhaoiniú agus Fiontraíocht Shóisialta.

Airteagal 28

Rannpháirtíocht

1. Beidh rannpháirtíocht faoin ais maidir le Micreamhaoiniú agus Fiontraíocht Shóisialta ar oscailt do chomhlachtaí poiblí agus comhlachtaí príobháideacha arna mbunú ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil sna tíortha dá dtagraítear in Airteagal 18(1) agus a sholáthraíonn na nithe seo a leanas sna tíortha sin:

- (a) micreamhaoiniú do dhaoine agus do mhicrifhiontair; agus/nó

- (b) maoiniú le haghaidh fiontar sóisialta.

2. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh an ais inrochtana, gan idirdhealú, do gach comhlacht poiblí agus príobháideach sna Ballstáit.

3. Chun lámh a shíneadh chuig na tairbhíthe deiridh agus le micrifhiontair iomaíocha inmharthana a chruthú, is é a dhéanfaidh comhlachtaí poiblí agus comhlachtaí príobháideacha a chuireann gníomhaíochtaí i gcríoch dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 comhoibriú go dlúth le heagraíochtaí, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta, a dhéanann ionadaíocht thar ceann leasanna tairbhíthe deiridh an mhicrichreidmheasa agus le heagraíochtaí, go háirithe na heagraíochtaí sin a fhaigheann tacaíocht ó CSE agus déanfaidh siad cláir oiliúna agus mheantóireachta a chur ar fáil do na tairbhíthe deiridh sin. Sa chomhthéacs sin, déanfar obair leantach leordhóthanach maidir leis na tairbhíthe a áirithiú roimh agus i ndiaidh chruthú an mhicrifhiontair araon.

4. Cloífidh comhlachtaí poiblí agus comhlachtaí príobháideacha a dhéanann gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 le caighdeáin arda i ndáil le rialachas, bainistíocht agus cosaint an chustaiméara ar aon dul le príonsabail Chód na hEorpa um Dhea-Iompar maidir le Soláthar Micreamhaoiniúcháin agus féachfaidh siad le cosc a chur ar ró-fhiachas daoine agus gnóthas, mar shampla, mar thoradh ar iasachtaí a bheith tugtha dóibh ag rátaí úis arda nó faoi théarmaí ar dóigh go mbeidh sé mar thoradh orthu go n-éireoidh siad dócmhainneach.

Airteagal 29

Rannchuidiú airgeadais

Cé is moite i gcás gníomhaíochtaí comhpháirteacha, cuimseoidh na leithreasuithe airgeadais a leithdháilfear ar an ais maidir le Micreamhaoiniú agus Fiontraíocht Shóisialta costas iomlán na ngníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme trí bhithin ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear oibleagáidí íocaíochta i dtreo idirghabhálacha airgeadais, amhail cailleanais ó ráthaíochtaí, táillí bainistíochta do na heintitis a bhainistíonn rannchuidiú an Aontais agus aon chostais eile atá incháilithe.

Airteagal 30

Bainistíocht

1. D'fhonn na hionstraimí agus na deontais dá dtagraítear in Airteagal 27 a chur chun feidhme, féadfaidh an Coimisiún comhaontuithe a thabhairt i gcrích leis na heintitis atá liostaithe in Airteagal 139(4) den Rialachán Airgeadais, agus go háirithe leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus leis an gCiste Eorpach Infheistíochta. I gcomhaontuithe den sórt sin leagfar amach forálacha mionsonraithe maidir leis na cúraimí arna gcur ar iontaoibh ar na heintitis sin, lena n-áirítear forálacha ina sonraítear an gá atá le breisíocht agus comhordú le hionstraimí airgeadais náisiúnta agus le hionstraimí airgeadais an Aontais a áirithiú agus an gá atá leis na hacmhainní a chionroinnt ar bhealach cothromúil ar na Ballstáit agus ar na tíortha rannpháirteacha eile. Is féidir ionstraimí airgeadais faoi Theideal VII de Chuid a hAon den Rialachán Airgeadais, a sheachadadh trí mheán infheistíochta tiomnaithe, ar féidir é a bheith maoinithe ag cistí an Chláir, ag infheisteoirí eile nó ag an dá rud.

2. Féadfaidh an meán infheistíochta tiomnaithe dá dtagraítear i mír 1, inter alia, iasachtaí, caipiteal cothromais agus ionstraimí um chomhroinnt riosca d'idirghabhálaithe a chur ar fáil nó airgeadas díreach d'fhiontair shóisialta nó an dá rud. Is féidir caipiteal cothromais a chur ar fáil inter alia i bhfoirm rannpháirtíochtaí cothromais oscailte, infheistíochtaí díomhaoine, iasachtaí scairshealbhóirí agus teaghlaim de chineálacha éagsúla rannpháirtíochtaí cothromais arna n-eisiúint do na hinfeisteoirí.

3. Léireoidh na coinníollacha, amhail rátaí úis, do mhicreach-reidmheasanna arna dtacú go díreach nó go hindíreach i gcreat na haise seo tairbhe na tacaíochta agus beidh siad inchosanta maidir leis na rioscaí atá taobh thiar díobh agus costas iarbhrí ar mhaoinithe a bhaineann le creidmheas.

4. I gcomhréir le hAirteagal 140(6) den Rialachán Airgeadais, sannfar aisíocaíochtaí bliantúla arna nginiúint ag ionstraim airgeadais amháin don ionstraim airgeadais sin go dtí an 1 Eanáir 2024, ach iontrálfar ioncaim i mbuiséad ginearálta an Aontais tar éis do chostais agus táillí bainistíochta a bheith asbhainte. I gcás ionstraimí airgeadais a bunaíodh cheana sa chreat airgeadais ilbhliantúil roimhe sin don tréimhse 2007-2013, déanfar aisíocaíochtaí bliantúla agus ioncaim a gineadh in oibríochtaí ar cuireadh tús leo sa tréimhse roimhe sin a shannadh don ionstraim airgeadais sa tréimhse reatha.

5. Ar dhul in éag do na comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích leis na heintitis dá dtagraítear i mír 1 nó tar éis tréimhse infheistíochta an mheáin thiomanta infheistíochta a bheith críochnaithe, déanfar an t-iarmhéid atá dlite don Aontas a íoc isteach i mbuiséad ginearálta an Aontais.

6. Déanfaidh na heintitis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus, i gcás inarb ábhartha, na bainisteoirí ciste comhaontuithe i scríbhinn a chur i gcrích leis na comhlachtaí poiblí agus na comhlachtaí príobháideacha dá dtagraítear in Airteagal 28. Leagfar síos sna comhaontuithe sin oibleagáidí na soláthraithe poiblí agus na soláthraithe príobháideacha chun úsáid a bhaint as na hacmhainní arna gcur ar fáil faoin ais maidir le Micreamhaoiniú agus Fiontraíocht Shóisialta i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 26 agus chun faisnéis a chur ar fáil chun na tuarascálacha bliantúla dá bhforáiltear in Airteagal 31 a dhreachtú.

Airteagal 31

Tuarascálacha cur chun feidhme

1. Cuirfidh na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 30(1) agus, i gcás inarb ábhartha, na bainisteoirí ciste tuarascálacha cur chun feidhme bliantúla chuig an gCoimisiún ina leagfar amach na gníomhaíochtaí ar tugadh tacaíocht dóibh agus ina gcumhdófar a gcur chun feidhme airgeadais agus an leithdháileadh agus inrochtaineacht maoinithe agus infheistíochta de réir earnála, limistéir gheografaigh agus cineáil tairbhí. Beidh cur síos sna tuarascálacha cur chun feidhme sin ar na hiarratais ar glacadh leo agus ar diúltaíodh rompu i ndáil le gach cuspóir sonracha agus na conarthaí a thug na comhlachtaí poiblí agus príobháideacha lena mbaineann i gcrích, na gníomhaíochtaí a maoiníodh agus na torthaí, lena n-áirítear i dtéarmaí a dtionchair shóisialta, cruthú fostaíochta agus inbhuanaitheacht na tacaíochta arna tabhairt. Cuirfidh an Coimisiún na tuarascálacha sin chuig Parlaimint na hEorpa ar mhaithe le faisnéis.

2. Beifear in ann an fhaisnéis arna cur ar fáil sna tuarascálacha cur chun feidhme bliantúla sin ar dhul chun cinn a úsáid sna tuarascálacha faireacháin débhlíantúla dá

dtagraítear in Airteagal 13. Áireofar lena leithéid de thuarascálacha faireacháin na tuarascálacha bliantúla a bhforáiltear dóibh in Airteagal 8(2) de Chinneadh Uimh 283/2010/AE, mionsonraí maidir le gníomhaíochtaí cumarsáide agus faisnéis maidir le comhlántacht le hionstraimí Aontais eile, go sonracha an CSE.

TEIDEAL III

CLÁIR OIBRE AGUS FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 32

Cláir Oibre agus forálacha críochnaitheacha

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos clár oibre aonair a chumhdóidh na trí ais. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 36(3).

Beidh na cláir oibre, i gcás inarb ábhartha, ar feadh tréimhse rollach trí bliana agus beidh cur síos iontu ar na gníomhaíochtaí atá le maoiniú i ngach clár oibre, mar aon leis an gcineál nós imeachta, an cuimsiú geografach, an spriocghrúpa agus creat ama cur chun feidhme tascach. Beidh léiriú san áireamh sna cláir oibre freisin maidir leis an méid arna leithdháileadh ar gach cuspóir sonracha agus feicfead iontu ath-leithdháileadh na gcistí i gcomhréir le hAirteagal 33. Déanfaidh na cláir oibre comhtháiteacht an Chláir a dhaingniú trí léiriú a thabhairt ar na naisc idir na trí hais.

Airteagal 33

Ath-leithdháileadh cistí idir na haiseanna agus chuig na rannáin théamacha aonair laistigh de na haiseanna.

Cumhachtófar don Choimisiún gníomhaíochtaí tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 34, le haghaidh ath-leithdháileadh cistí idir aiseanna agus chuig rannáin théamacha aonair laistigh de gach ais a bheadh níos mó ná 5 % agus níos lú ná 10 % ná an méid tascach a leagadh síos i ngach cás, sa chás go n-éilíonn forbairtí sa chomhthéacs soch-eacnamaíoch nó fionnachtana na meastóireachta lár téarma dá dtagraítear in Airteagal 13(1) a leithéid. Léireofar an leithdháileadh cistí ar rannáin théamacha laistigh de gach ais sna cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 32.

Airteagal 34

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 33 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse seacht mbliana amhail ón 1 Eanáir 2014.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 33 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an trách céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 33 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 35

Bearta cur chun feidhme breise

Déanfar bearta atá riachtanach do chur chun feidhme an Chláir, amhail na critéir chun meastóireacht a dhéanamh ar an gClár, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le héifeachtacht ó thaobh costas de agus na socruithe chun torthaí a scaipeadh agus a aistriú, a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 36(2).

Airteagal 36

Nós imeachta Coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 37

Bearta idirthréimhseacha

Gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 4, in Airteagal 5 agus in Airteagal 6 de Chinneadh Uimh. 1672/2006/CE, a bheidh tionscanta roimh 1 Eanáir 2014, beidh siad fós á rialú

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 11 Nollaig 2013.

Thar ceann Parlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

ag an gCinneadh sin. Maidir leis na gníomhaíochtaí sin, tabharfaidh an coiste dá dtagraítear in Airteagal 36 den Rialachán seo cúnaimh don Choimisiún.

Airteagal 38

Meastóireacht

1. Cuirfear an mheastóireacht chríochnaitheach dá bhforáiltear in Airteagal 9 de Chinneadh Uimh. 283/2010/AE ar áireamh sa mheastóireacht chríochnaitheach dá bhforáiltear in Airteagal 14(2).

2. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht chríochnaitheach shonrach ar an ais maidir le Micreamhaoiniú agus Fiontraíocht Shóisialta tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis dul in éag do na comhaontuithe leis na heintitis.

Airteagal 39

Leasuithe ar Chinneadh Uimh. 283/2010/AE

Leasaítear Cinneadh Uimh. 283/2010/AE mar a leanas:

(1) In Airteagal 5 cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Ar dhul in éag na Saoráide, cuirfear an t-iarmhéid atá dlite don Aontas ar fáil le haghaidh micreamhaoinithe agus tacaíochta d'fhiontair shóisialta i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta ("EaSI") (*).

(*) IO L 347, 20.12.2013, lch. 238";

(2) In Airteagal 8, scriostar mír 3 agus mír 4.

Airteagal 40

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
V. LEŠKEVIČIUS

**RIALACHÁN (AE) Uimh. 1297/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 11 Nollaig 2013**

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle maidir le forálacha áirithe a bhaineann le bainistíocht airgeadais i gcomhair Ballstát áirithe a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais, leis na rialacha saortha i gcás Ballstát áirithe agus leis na rialacha maidir le híocaíochtaí an iarmhéid deiridh

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 177 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiúin,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) I ngeall ar an ngéarchéim airgeadais marthanach agus ar an gcor chun donais eacnamaíoch, nár tháinig a samhail riamh roimhe, atá ann ar fud an domhain tá díobháil thromchúiseach déanta don fhás eacnamaíoch agus don chobhsaíocht airgeadais agus tá meathlú mór tagtha ar dhálaí airgeadais, eacnamaíocha agus sóisialta sna Ballstáit. Go sonrach, tá deacrachtaí tromchúiseacha ag Ballstáit áirithe nó tá deacrachtaí den sórt sin ag bagairt orthu, go háirithe fadhbanna lena bhfás eacnamaíoch agus lena gcobhsaíocht airgeadais agus le meathlú ar a riocht easnaimh agus fiachais, de dheasca na ndálaí idirnáisiúnta eacnamaíocha agus airgeadais freisin.
- (2) Cé go ndearnadh gníomhaíochtaí tábhachtacha cheana féin, lena n-áirítear leasuithe ar an gcreat reachtach, chun éifeachtaí diúltacha na géarchéime eacnamaíche a fhriothchóthromú, tá tionchar na géarchéime sin ar an ngeilleagar réadach, ar mhargadh an tsaothair agus ar na saoránaigh le brath go forleathan. Tá an brú ar acmhainní airgeadais náisiúnta ag dul i méid agus ba cheart tuilleadh a dhéanamh go práinneach chun an brú sin a mhaolú tríd an úsáid uasta agus an úsáid is éifeachtaí a bhaint as cistiú ó na Cistí Struchtúracha agus

ón gCiste Comhtháthaithe (“na Cistí”). I bhfianaise mharthanacht na ndeacrachtaí airgeadais, is gá cur chun feidhme na mbeart arna nglacadh trí Rialachán (AE) Uimh. 1311/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ a fhadú. Glacadh na bearta sin de bhun Airteagal 122(2), Airteagal 136 agus Airteagal 143 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- (3) Chun bainistíocht chistiú Aontais a éascú, le gur féidir infheistíochtaí i mBallstáit agus i réigiúin a luathú agus chun feabhas a chur ar infhaighteacht chistithe don gheilleagar, rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ⁽⁴⁾ ón gComhairle a leasú le Rialachán (AE) Uimh. 1311/ chun go bhféadfaí íocaíochtaí eatramhacha ó na Cistí a mhéadú de réir suime a chomhfhreagraíonn do dheich bpointe céatadáin os cionn an ráta chómhainithe iarbhair i leith gach aise tosaíochta i gcás Ballstát a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha i ndán dóibh i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais, agus ar Ballstáit iad a d'iarr leas a bhaint as an mbeart sin.
- (4) Le hAirteagal 77(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006, fágтар gur féidir ráta cómhainithe méadaithe a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2013. Ós rud é, áfach, go bhfuil na Ballstáit fós i ngleic le deacrachtaí tromchúiseacha maidir lena gcobhsaíocht airgeadais, níor cheart an tréimhse cur i bhfeidhm do ráta cómhainithe méadaithe a theorannú go dtí an 31 Nollaig 2013.
- (5) I gcomhréir le conclúidí na Comhairle Eorpaí an 7-8 Feabhra 2013 agus amhail dá bhforáiltear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾, tá feidhm

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1311/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle maidir le forálacha áirithe a bhaineann le bainistíocht airgeadais i gcomhair Ballstát áirithe a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais (IO L 337, 20.12.2011, lch. 5).

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle an 11 Iúil 2006 lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa agus leis an gCiste Comhtháthaithe, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999 (IO L 210, 31.7.2006, lch. 25).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa, maidir leis an gCiste Comhtháthaithe, maidir leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (Féach leathanach 320 den Iris Oifigiúil seo).

⁽¹⁾ Tuairim an 19 Meán Fómhair 2013 (IO C 341, 21.11.2013, lch. 27)

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Samhain 2013 (nach bhfuil foilsithe fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 5 Nollaig 2013

le bheith ag an méadú 10 bpointe céatadán ar an ráta cómhaoinithe maidir leis an gclárthréimhse 2014-2020 go dtí an 30 Meitheamh 2016, tráth a bhfuil athbhreithniú le déanamh ar an bhféidearthacht an t-ardú a thabhairt. Toisc go bhfuil forluí ann idir na clárthréimhsí 2007-2013 agus 2014-2020, is gá a áirithiú go ndéileálfar go comhsheasmhach agus go haonfhoirmeach le Ballstáit a fhaigheann cúnamh airgeadais le linn na dá thréimhse. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Ballstát atá ag fáil cúnamh airgeadais in ann leas a bhaint as an ardú ar an ráta cómhaoinithe go dtí deireadh na tréimhse incháilitheachta agus é a éileamh ina n-iarrataí ar an iarmhéid deiridh, fiú mura bhfuil an cúnamh airgeadais á sholáthar a thuilleadh.

- (6) Tá Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 dírithe ar rannchuidiú leis an gcistiú comhtháthaithe a dhíriú ar dhóigh oiriúnach ar na réigiúin agus ar na Ballstáit is lú forbairt. Chun rannchuidiú leis an laghdú ar éagothromaíochtaí i meándéiní cabhracha per capita, tá an t-uasleibhéal aistrithe (cadhpáil) ó na Cistí go dtí gach Ballstát faoi leith de bhun na Rialachán a bheidh ann amach anseo le bheith socraithe ag 2,35 % de OTI an Bhallstáit. Tá an chadhpáil le bheith curtha i bhfeidhm ar bhonn bliantúil, agus, más infheidhme, táthar leis sin gach aistriú (seachas do na réigiúin níos forbartha agus don “sprioc um chomhar críochach Eorpach”) chuig an mBallstát lena mbaineann a laghdú go comhréireach chun leibhéal uasta aistrithe a bhaint amach. I gcás Ballstát a tháinig isteach san Aontas roimh 2013 agus ar lú an meánfhás ar a bhfiór OTI sa tréimhse 2008-2010 ná -1 %, tá an t-uasleibhéal aistrithe le bheith socraithe ag 2,59 % dá gcuid ODI.
- (7) Le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, déantar cadhpáil ar na leithdháiltí in aghaidh an Bhallstáit ag 110 % den leibhéal a bhí acu i dtéarmaí réadacha don tréimhse 2007-2013. Maidir leis na Ballstáit a ndéanann an chadhpáil sin difear dóibh, is gá cosaint bhreise a thabhairt dóibh ar an mbaol atá ann go saorfaí go huathoibríoch leithdháiltí sa tréimhse 2007-2013.
- (8) Ina conclúidí an 8 Feabhra 2013, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún féachaint ar réitigh phraiticiúla maidir leis an mbaol atá ann go saorfaí na cistí go huathoibríoch ó imchlúdach náisiúnta 2007-2013 a laghdú i gcás na Rómáine agus na Slóvaice, lena n-áirítear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 a leasú.
- (9) Ina theannta sin, chuir an Chomhairle Eorpach béim ar an ngá atá ann a áirithiú go mbeidh leibhéal agus próifíl na n-íocaíochtaí i ngach ceannteideal inlámhsithe, chun na gealltanais bhuiséadacha nár comhlíonadh a theorannú, go háirithe trí rialacha a chur i bhfeidhm maidir le saoradh uathoibríoch faoi gach ceannteideal. Dá bhrí sin, na forálacha lena ndéantar scaoileadh ó na rialacha maidir le saoradh do Bhallstáit a ndéanann an chadhpáil a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 difear dóibh, ba cheart iad a chothromú i bhfianaise an tionchair a bheidh aige ar na gealltanais bhuiséadacha nár comhlíonadh.
- (10) Ba cheart fadú d'aon bhliain amháin a dhéanamh ar an spriocdháta faoina gcaithfear an saoradh uathoibríoch a ríomh a dhéanfar ar na gealltanais bhuiséadacha bhliantúla do na blianta 2011 agus 2012, ach tá an gealltanais buiséid 2012, a bheidh fós ar oscailt an 31 Nollaig 2015, le dlistiniú faoin 31 Nollaig 2015. Ba cheart go gcuideodh an fadú sin le feabhas a chur ar ionsú na gcistí a gealladh do chlár oibríochtúla sna Ballstáit a ndéantar difear dóibh de dhroim caidhpeáil a leithdháiltí beartais chomhtháthaithe todhchaí ag 110 % den leibhéal a bhí acu i dtéarmaí réadacha don tréimhse 2007-2013. Is gá an tsolúbthacht sin a bheith ann chun dul i ngleic leis an gcás go bhfuil cur chun feidhme clár a dhéanann difear do na Ballstáit sin go háirithe ag tarlú níos moille ná mar a bhíodas ag súil leis.
- (11) Ba cheart coigeartuithe teoranta den mhéid uasta cúnaimh ó na Cistí le haghaidh gach ais tosaíochta a chur i bhfeidhm nuair a bheidh méid an iarmhéid deiridh atá le híoc leis na clár oibríochtúla á shuíomh chun an leas is fearr is féidir a bhaint as ionsú na gCistí.
- (12) I bhfianaise chineál gan fasach na géarchéime, tá gá le bearta tacaíochta a ghlacadh go pras agus is iomchuí, dá bhrí sin, go dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (13) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 77 mar a leanas:

(a) Leasaítear mír 2 mar a leanas:

“2. De mhaolú ar Airteagal 53(2), ar an dara habairt d’Airteagal 53(4) agus ar na huasmhéideanna atá leagtha amach in Iarscríbhinn III, déanfar íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíochtaí an iarmhéid dheiridh a mhéadú le suim a chomhfhreagraíonn do 10 bpointe céatadán os coinn an ráta cómhaoinithe is infheidhme i leith gach aise tosaíochta, ach gan dul thar 100%, ar suim í a bheidh le cur i bhfeidhm i leith suim an chaiteachais incháilithe arna dhearbhu den chéad uair i ngach ráiteas deimhnithe caiteachas arna thíolacadh go dtí deireadh na clárthréimhse, más rud é, tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 21 Nollaig 2013, go gcomhlíonann Ballstát ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

- (a) tá cúnaimh airgeadais curtha ar fáil dó i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 407/2010 ón gComhairle (*) nó tá cúnaimh airgeadais curtha ar fáil dó ag Ballstáit eile de chuid an limistéir euro sular tháinig an Rialachán sin i bhfeidhm;
- (b) tá cúnaimh airgeadais meántéarmach curtha ar fáil dó i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 (**) ón gComhairle;
- (c) tá cúnaimh airgeadais curtha ar fáil dó i gcomhréir leis an gConradh lena mbunaítear an Sárasa Cobhsaíochta Eorpach tar éis do theacht i bhfeidhm an Chonartha sin.

(*) IO: Cuir isteach le do thoil dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(**) Rialachán (ECE) Uimh. 332/2002 an 18 Feabhra 2002 lena mbunaítear saoráid lena soláthraítear cúnaimh airgeadais meántéarmach do Bhallstáit i leith chomharduithe a n-íocaíochtaí (IO L 53, 23.2.2002, lch. 1).;

(b) Scriostar mír 6;

(c) Cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“12. De mhaolú ar mhír 10, ní rachaidh rannchuidiú an Aontais trí íocaíocht an chomhardaithe deiridh le haghaidh gach ais tosaíochta thar níos mó ná 10 % de mhéid uasta an chúinimh ó na Cistí le haghaidh gach

ais tosaíochta mar a leagtar síos sa chinneadh ón gCoimisiún lena ndéantar an clár oibríochta a fhorhmheas. Ní rachaidh rannchuidiú an Aontais trí íocaíochtaí an iarmhéid deiridh, áfach, thar an rannchuidiú poiblí a bheidh dearbhaithe agus an méid uasta den chúinimh ó gach Ciste chuig an gClár Oibríochta mar a leagtar síos sa chinneadh ón gCoimisiún lena ndéantar an clár oibríochta a fhorhmheas.”;

(2) Leasaítear Airteagal 93 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“2b. De mhaolú ar an gcéad fhomhír de mhír 1 agus ar mhír 2, i gcás Ballstát a ndéantar a leithdháiltí beartais chomhtháthaithe sa chlárthréimhse 2014-2020 a chadhpáil ag 110 % den leibhéal a bhí acu i dtéarmaí réadacha don tréimhse 2007-2013, is é a bheidh sa spriocdháta dá dtagraítear i mír 1 an 31 Nollaig den tríú bliain tar éis bhliain an ghealltanais bhuiséadaigh bhliantúil ó 2007 go 2012 faoina gclár oibríochtaí.”;

(b) I mír 3, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

“Tá an chéad fhomhír gan dochar do chur i bhfeidhm an sprioc-ama a leagtar síos i mír 2b maidir le gealltanais buiséid 2012 don Bhallstát dá dtagraítear sa mhír sin.”.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm dáta a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 11 Nollaig 2013.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
V. LEŠKEVIČIUS

**RIALACHÁN (AE) Uimh. 1298/2013 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 11 Nollaig 2013**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 maidir leis an leithdháileadh airgeadais i gcomhair
Ballstát áirithe ó Chiste Sóisialta na hEorpa**

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 177 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiúin,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽¹⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) I gcomhthéacs na caibidlíochta ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil do na blianta 2014-2020, ba cheart aghaidh a thabhairt ar cheisteanna áirithe a eascraíonn as toradh deiridh na caibidlíochta.
- (2) Ag a cruinniú an 27 agus an 28 Meitheamh 2013 mheas Comhairle na hEorpa gur cheart teacht ar réiteach buiséadach chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin le haghaidh na mBallstát is mó atá thíos leo, eadhon an Fhrainc, an Iodáil agus an Spáinn.
- (3) Ag féachaint don ghéarchéim eacnamaíoch reatha, d'fhonn comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a neartú, agus chun cuidiú leis an iarracht speisialta atá ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sonracha na dífhostaíochta, go háirithe dífhostaíocht i measc an ógra, agus na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta sa Fhrainc, san Iodáil agus sa Spáinn, ba cheart leithdháiltí Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) do na Ballstát sin don bhliain 2013 a mhéadú.
- (4) D'fhonn na méideanna arna leithdháileadh ar na Ballstát lena mbaineann a bhunú de bhun Iarscríbhinn I a

ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ⁽²⁾, ba cheart coigeartú a dhéanamh ar na forálacha lena socraítear acmhainní foriomlána na gCistí do na trí chuspóir a bhfuil siad ag rannchuidiú leo, agus ar Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin lena mbunaítear na critéir agus an mhodheolaíocht a úsáideann na Ballstát do mhiondealuithe bliantúla táscacha ar leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí.

- (5) D'fhonn éifeachtacht an mhéadaithe ar leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí don bhliain 2013 a áirithiú agus chun cur chun feidhme clár oibriúcháin a éascú, ba cheart acmhainn ionsúite na mBallstát lena mbaineann maidir le cuspóirí Cóineasaithe agus iomaíochais réigiúnaigh agus fostaíochta réigiúnaí na gCistí a chur san áireamh.
- (6) Chun go mbeidh go leor ama ag na cláir oibriúcháin le tairbhe a bhaint as leithdháiltí CSE, is gá freisin an spríodháta a shíneadh le haghaidh na hoibleagáidí buiséadacha maidir leis na cláir oibríochtúla atá le tairbhe a bhaint as na méideanna nua dá bhforáiltear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006.
- (7) Ós rud é go mbaineann na leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí sindon bhliain 2013, ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm mar ábhar práinne.
- (8) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 mar seo a leanas:

- (1) Leasaítear Airteagal 18 mar seo a leanas:
 - (a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"Is iad EUR 308 542 551 107 de réir phraghsanna 2004 na hacmhainní a bheidh ar fáil le haghaidh oibleagáidí buiséadacha as na Cistí i leith na tréimhse 2007 go 2013, de réir an mhiondealaithe bhliantúil a thaispeántar in Iarscríbhinn I.;"

⁽¹⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Samhain 2013 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 5 Nollaig 2013.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle an 11 Iúil 2006 lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa agus leis an gCiste Comhtháthaithe, agus lena n-aighairtear Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999 (IO L 210, 31.7.2006, lch. 25):

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Déanfar na méideanna dá dtagraítear i míreanna 12 go 30 agus i mír 32 d'Iarscríbhinn II a chur isteach sna méideanna dá dtagraítear in Airteagal 19, 20 agus 21 agus déanfar iad a shainaithint go soiléir sna doiciméid clárúcháin.”;

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19 agus Airteagal 20:

“Airteagal 19

Acmhainní do chuspóir an Chóineasaithe

Na hacmhainní foriomlána do chuspóir an Chóineasaithe, is 81,53 % de na hacmhainní dá dtagraítear in Airteagal 18(1) a bheidh iontu (i.e. iomlán EUR 251 543 760 146) agus déanfar iad a dháileadh ar na comhpháirteanna éagsúla mar seo a leanas:

- (a) 70,50% (i.e. iomlán EUR 177 338 880 991) don mhaoiniú dá dtagraítear in Airteagal 5(1), agus an daonra incháilithe, rathúnas réigiúnach, rathúnas náisiúnta agus ráta dífhostaíochta in úsáid mar na critéir leis na miondealaithe táscaha de réir Ballstáit a ríomh;
- (b) 4,98 % (i.e. iomlán EUR 12 521 289 405) don tacaíocht idirthréimhseach agus shonrach dá dtagraítear in Airteagal 8(1), agus an daonra incháilithe, rathúnas réigiúnach, rathúnas náisiúnta agus ráta dífhostaíochta in úsáid mar na critéir leis na miondealaithe táscaha de réir Ballstáit a ríomh;
- (c) 23,23 % (i.e. iomlán EUR 58 433 589 750) don mhaoiniú dá dtagraítear in Airteagal 5(2), agus an daonra incháilithe, rathúnas réigiúnach, rathúnas náisiúnta agus ráta dífhostaíochta in úsáid mar na critéir leis na miondealaithe táscaha de réir Ballstáit a ríomh;

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn I:

“IARSCRÍBHINN I

Miondealú bliantúil ar leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí idir 2007 agus 2013

(dá dtagraítear in Airteagal 18)

(EUR, praghsanna 2004)

2007	2008	2009	2010	2011	2012	2013
42 863 000 000	43 318 000 000	43 862 000 000	43 860 000 000	44 073 000 000	44 723 000 000	45 843 551 107”;

(6) In Iarscríbhinn II, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

EUR 25 102 658 ar an Iodáil agus leithdháilfear EUR 16 735 105 ar an Spáinn.”

Airteagal 2

“32. I gcás na bliana 2013, leithdháilfear clúdach breise EUR 125 513 290 faoi CSE mar seo a leanas: leithdháilfear EUR 83 675 527 ar an bhFrainc, leithdháilfear

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(d) 1,29% (i.e. iomlán EUR 3 250 000 000) don tacaíocht idirthréimhseach agus shonrach dá dtagraítear in Airteagal 8(3).

Airteagal 20

Acmhainní don chuspóir iomaíochais réigiúnaigh agus fostaíochta réigiúnaí

Na hacmhainní foriomlána don chuspóir iomaíochais réigiúnaigh agus fostaíochta réigiúnaí, is 15,96 % de na hacmhainní dá dtagraítear in Airteagal 18(1) a bheidh iontu (i.e. iomlán EUR 49 239 337 841) agus déanfar iad a dháileadh ar na comhpháirteanna éagsúla mar seo a leanas:

- (a) 78,91 % (i.e. iomlán EUR 38 854 031 211) don mhaoiniú dá dtagraítear in Airteagal 6, agus an daonra incháilithe, rathúnas réigiúnach, rathúnas náisiúnta agus ráta dífhostaíochta in úsáid mar na critéir leis na miondealaithe táscaha de réir Ballstáit a ríomh; agus
- (b) 21,09 % (i.e. iomlán EUR 10 385 306 630) don tacaíocht idirthréimhseach agus shonrach dá dtagraítear in Airteagal 8(2), agus an daonra incháilithe, rathúnas réigiúnach, rathúnas náisiúnta agus ráta dífhostaíochta in úsáid mar na critéir leis na miondealaithe táscaha de réir Ballstáit a ríomh.”;

(3) In Airteagal 21(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

“Na hacmhainní foriomlána do chuspóir an chomhair chríochar Eorpaigh, is 2,51 % de na hacmhainní dá dtagraítear in Airteagal 18(1) a bheidh iontu (i.e. iomlán EUR 7 759 453 120) agus, seachas an méid dá dtagraítear i mír 22 d'Iarscríbhinn II, déanfar iad a dháileadh ar na comhpháirteanna éagsúla mar seo a leanas”;

(4) In Airteagal 75, cuirtear isteach an mhír 1b seo a leanas:

“1b. De mhaolú ar mhír 1, déanfar na hoibleagáidí buiséadacha do na méideanna dá dtagraítear i mír 32 d'Iarscríbhinn II faoin 30 Meitheamh 2014.”;

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 11 Nollaig 2013.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
V. LEŠKEVIČIUS

RIALACHÁN (AE) Uimh. 1299/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 17 Nollaig 2013

maidir le forálacha sonracha i dtaca le tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa do sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 178 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le hAirteagal 176 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go bhfuil ceaptha do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) rannchuidiú leis na príomh-mhíchothromaíochtaí réigiúnacha san Aontas a cheartú. Faoin Airteagal sin agus faoin dara agus faoin tríú mír d'Airteagal 174 CFAE, tá CFRE le rannchuidiú leis na héagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha na réigiún éagsúil a laghdú agus le cúlmhaireacht na réigiún is mídheisiúla a laghdú, agus as na réigiúin sin tá aird faoi leith le tabhairt ar limistéir thuaithe, ar limistéir a bhfuil an trasdul tionsclaíoch ag dul dóibh, agus ar réigiúin a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha acu ar nós na réigiún is faide ó thuaidh a bhfuil dlús fíoriseal daonra iontu agus ar nós na réigiún oileánach, na réigiún trasteorann agus na réigiún sléibhteach.
- (2) Leagtar amach le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ na forálacha is coiteann do CFRE, do Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) don Chiste Comhtháthaithe, do Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus don Chiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI).

⁽¹⁾ IO C 191, 29.6.2012, lch. 49.

⁽²⁾ IO C 277, 13.9.2012, lch. 96.

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh atá cumhdaithe faoin gComhchreat Straitéiseach agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (Féach leathanach 320 den Iris Oifigiúil seo).

Leagtar amach le Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ forálacha sonracha a bhaineann leis an gcineál gníomhaíochtaí a fhéadfaidh CFRE a mhaoiniú, agus sainítear na spriocanna do na gníomhaíochtaí sin ann. Níl na Rialacháin sin oiriúnaithe go hiomlán do riachtanais shonracha sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh i gcás ina mbíonn comhar idir dhá Bhallstát ar a laghad nó idir Ballstát amháin agus tríú tír. Is gá dá bhri sin forálacha a leagan síos a bhaineann go sonrach le sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh CCE maidir le raon feidhme, le cumhdach geografach, le hacmhainní airgeadais, le díriú téamach agus le tosaíochtaí infheistíochta, le cláreagrú, le faireachán agus le meastóireacht, le cúnamh teicniúil, le hincháilitheacht, le bainistíocht, le rialú agus le hainmniú, le rannpháirtíocht tríú tíortha, agus le bainistíocht airgeadais.

- (3) Chun breisluch bheartas comhtháthaithe an Aontais a ardú, ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag forálacha sonracha simpliú suntasach a bhaint amach dóibh siúd uile atá rannpháirteach: tairbhíthe, údaráis clár, údaráis i mBallstáit rannpháirteacha ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta, de réir mar is iomchuí, agus tríú tíortha, mar aon leis an gCoimisiún.
- (4) Chun tacú le forbairt chomhchuí chríoch an Aontais ag leibhéal éagsúla, ba cheart do CFRE tacú le comhar trasteorann, trasnáisiúnta, agus idir-réigiúnach faoi sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh.
- (5) Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag comhar trasteorann dul i ngleic le dúshlán choitianta arna sainaitheint go comhpháirteach i réigiúin teorann, amhail: droch-inrochtaineacht, go háirithe i ndáil le nascacht teicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) agus bonneagar iompair, le tionscail áitiúla a bheith ag meath, le timpeallacht ghnó mhíchuí, le heaspa líonraí i measc riarachán áitiúil agus réigiúnach, le leibhéal ísle taighde agus nuálaíochta agus leibhéal ísle de ghlacadh TFC, le truailliú comhshaoil, le cosc ar riosc, le meonta diúltacha i dtreo saoránach tíre comharsanaí agus go mbeadh sé mar aidhm aige an acmhainneacht fáis nach bhfuil saothraithe i limistéar na teorann a shaothrú (forbairt saoráidí agus braislí taighde agus nuálaíochta trasteorann, comhtháthú mhargadh an tsaothair trasteorann, comhar i measc soláthraithe oideachais, lena n-áirítear ollscoileanna nó idir ionaid sláinte), agus an próiseas comhair ar mhaithe le forbairt chomhchuí fhoriomlán an Aontais á fheabhsú ag an am céanna.

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post (Féach leathanach 289 den Iris Oifigiúil seo).

- (6) Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag comhar trasnáisiúnta comhar a láidriú trí mheán gníomhaíochtaí a chabhráíonn le forbairt chríochach chomhtháite nasctha le tosaíochtaí bheartas comhtháthaithe an Aontais, agus ba cheart go n-áireofaí ann freisin comhar trasteorann muirí nach gcumhdaítear i gclár um chomhar trasteorann.
- (7) Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag comhar idir-réigiúnach éifeachtacht an bheartais chomhtháthaithe a threisiú trí mhalartú taithí idir réigiúin a spreagadh maidir le cuspóirí téamacha agus le forbairt uirbeach, lena n-áirítear naisc uirbeacha-thuaithe, chun feabhas a chur ar chur chun feidhme na gclár um chomhar críochach agus na gníomhaíochtaí um chomhar críochach chomh maith le hanailís ar threochtaí forbartha i réimse an chomhtháthaithe chríocheaigh a chur chun cinn trí staidéir, trí shonraí a bhailiú agus trí bhearta eile. Trí thaithí maidir leis na cuspóirí téamacha a mhalartú, ba cheart go gcuirfí feabhas ar cheapadh agus ar chur chun feidhme na gclár oibríochtaí faoi sprioc na hInfeistíochta le haghaidh fais agus post, ar an gcéad dul síos, ach freisin, i gcás inarb iomchuí, ar cheapadh agus ar chur chun feidhme na gclár faoi sprioc an chomhair chríocheaigh Eorpaigh, lena n-áirítear cothú a dhéanamh ar chomhar atá tairbheach go frithpháirteach idir braislí nuálacha diantaighde agus ar mhalartuithe idir taighdeoirí agus institiúidí taighde i réigiúin fhorbartha agus i réigiúin is lú forbairt araon, agus an taithí shuntasach a ghabhann le "Réigiúin Eolais" agus "An cumas Taighde i Réigiúin Chóineasaithe agus sna Réigiúin is Forimeallaí" faoin Seachtú Creatchlár um Thaighde á cur san áireamh.
- (8) Ba cheart critéir oibiachtúla a shocrú chun réigiúin agus limistéir incháilithe a ainmniú. Chuige sin, ba cheart sainaitheint réigiúin agus limistéar incháilithe ar leibhéal an Aontais a bhunú ar chóras coiteann aicmithe na réigiúin arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (1).
- (9) Ba cheart go dtacódh comhar trasteorann le réigiúin atá lonnaithe ar theorainneacha talún nó muirí. Bunaithe ar thaithí ó chlárthréimhsí roimhe seo, ba cheart don Choimisiún sainiú níos simplí a dhéanamh ar an liosta de na limistéir trasteorann atá le tacaíocht a fháil faoi chlár um chomhar trasteorann, de réir clár chomhair. Agus an liosta sin á tharraingt suas aige, ba cheart go gcuirfeadh an Coimisiún san áireamh na coigeartuithe a theastaíonn chun comhchuibheas a áirithiú, go háirithe maidir le teorainneacha talún agus muirí, agus leanúnachas limistéar clár arna bhunú don chlárthréimhse 2007-2013. D'fhéadfadh coigeartuithe den sórt sin na limistéir clár atá ann nó líon na gclár um chomhar trasteorann a laghdú nó a mhéadú, agus an fhéidearthacht go mbeadh forluí geografach ann á ceadú ag an am céanna.
- (10) Ba cheart don Choimisiún limistéir do chomhar trasnáisiúnta a shainiú ag féachaint do ghníomhaíochtaí a theastaíonn chun forbairt chríochach chomhtháite a chur chun cinn. Agus na limistéir sin á sainiú aige, ba cheart don Choimisiún an taithí a fuarthas i gclár roimhe seo a chur san áireamh agus, i gcás inarb iomchuí, ba cheart dó straitéisí macraireigiúnacha agus imchuach farraige a chur san áireamh freisin.
- (11) Chun a áirithiú go mbeidh gach réigiún san Aontas in ann tairbhiú den mhalartú taithí agus dea-chleachtais, ba cheart go gcumhdódh clár um chomhar idir-réigiúnach an tAontas ar fad.
- (12) Is gá leanúint de thacaíocht a thabhairt do chomhar trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach le tríú tíortha comharsanacha an Aontais nó, más iomchuí, an comhar sin a chur ar bun toisc gurb uirlis thábhachtach um beartas na forbartha réigiúnaí é comhar den sórt sin agus ba cheart go rachadh sé chun tairbhe réigiúin na mBallstát atá ar an teorainn le tríú tíortha. Chuige sin, ba cheart go rannchuideodh CFRE leis na clár trasteorann agus imchuach farraige a bunaíodh faoin Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht (ENI) de bhun gnímh reachtaigh todhchaí de chuid an Aontais a bhaineann leis an Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht don tréimhse 2014-2020 ('gníomh reachtach ENI') agus faoin Ionstraim um Chúnadh Réamhaontachais (IPA II) de bhun gnímh reachtaigh todhchaí de chuid an Aontais a bhaineann leis an gCúnadh Réamhaontachais don tréimhse 2014-2020 ('gníomh reachtach IPA II').
- (13) Seachas na hidirghabhálacha ar theorainneacha seachtracha arna dtacú ag ionstraimí beartais sheachtraigh an Aontais a chumhdaíonn réigiúin teorann laistigh agus lasmuigh den Aontas, ba cheart go bhféadfadh clár chomhair arna dtacú ag CFRE réigiúin atá laistigh den Aontas agus, i gcásanna áirithe, lasmuigh den Aontas a chumhdach, i gcás nach gcumhdaíonn ionstraimí beartais sheachtraigh na réigiúin lasmuigh den Aontas, toisc nach bhfuil siad sainithe mar thír tairbhí nó toisc nach féidir clár um chomhar seachtrach den sórt sin a bhunú. Tá sé riachtanach, áfach, a áirithiú gur chun tairbhe réigiúin an Aontais den chuid is mó a rachadh an tacaíocht ó CFRE i gcás oibríochtaí a chuirtear chun feidhme ar chríoch tríú tíortha. Faoi na srianta sin, ba cheart don Choimisiún, agus liostaí de limistéir clár trasteorann agus trasnáisiúnta á dtarraingt suas aige, réigiúin i dtríú tíortha a chumhdach chomh maith.
- (14) Is gá na hacmhainní at leithdháiltear ar gach comhchuid éagsúil de sprioc an chomhair chríocheaigh Eorpaigh a leagan amach, agus díriú suntasach ar chomhar trasteorann á chaomhnú ag an am céanna, lena n-áirítear sciar gach Ballstáit de na méideanna foriomlána don chomhar trasteorann agus trasnáisiúnta, an cumas atá ar fáil do Bhallstáit a mhéid a bhaineann le solúbthacht idir na comhchodanna sin, agus leibhéal cistithe leordhóthanacha a áirithiú do chomhar i measc na réigiúin is forimeallaí.

(1) Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú coiteann d'aonaid chríocheacha ar mhaithe le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003. lch. 1).

- (15) Chun tairbhe réigiúin an Aontais, ba cheart sásra a bhunú chun tacaíocht ó CFRE d'ionstraimí beartais sheachtraigh amhail ENI agus IPA II a eagrú, lena n-áirítear nuair nach féidir cláir um chomhar seachtrach a ghlacadh nó más gá deireadh a chur leo. Ba cheart go bhféachfadh an sásra sin le feidhmiú barrmhaith a bhaint amach mar aon leis an gcomhordú is mó agus is féidir idir na hionstraimí sin.
- (16) Ba cheart mórchuid chistiú CFRE do na cláir um chomhar trasteorann agus trasnáisiúnta a dhíriú ar líon teoranta cuspóirí téamacha chun tionchar an bheartais chomhtháthaithe ar fud an Aontais a uasmhéadú. Ba cheart, áfach, an díriú faoin gclár um chomhar idir-réigiúnach ar chuspóirí téamacha a léiriú in aidhm gach oibríochta seachas i dteorannú ar líon na gcuspóirí téamacha, chun an méid is mó a bhaint as comhar idir-réigiúnach chun éifeachtacht an bheartais chomhtháthaithe a threisiú go príomha faoi sprioc na hinfheistíochta le haghaidh fais agus post agus freisin, i gcás inarb iomchuí, faoi spriocanna CCE. I gcás clár eile um chomhar idir-réigiúnach, ba cheart go dtiocfadh an díriú téamach as an raon feidhme sonracha atá acu.
- (17) Chun na spriocanna agus na cuspóirí a leagtar amach i straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a sholáthar, ba cheart do CFRE, faoi sprioc an chomhair chríocheaigh Eorpaigh, rannchuidiú leis na cuspóirí téamacha a bhaineann le geilleagar a fhorbairt atá bunaithe ar eolas, ar thaighde agus ar nuálaíocht, lena n-áirítear trí chomhar idir gnóthaí a chothú, go háirithe idir FBManna, agus trí bhunú córas le haghaidh malartú faisnéise trasteorann i réimse TFC a chur chun cinn; geilleagar níos glaise, níos éifeachtúla ó thaobh acmhainní agus níos iomaíche a chur chun cinn, lena n-áirítear trí shoghluaisteacht inbhuanaithe trasteorann a chur chun cinn; ardfhostaíocht a mbeidh comhtháthú sóisialta agus críochach de thoradh uirthi a chothú, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí a thacaíonn le turasóireacht inbhuanaithe, cultúr agus oidhreacht náisiúnta mar chuid de straitéis chríochach arb é is aidhm di fás a bhaint amach atá oiriúnach don fhostaíocht; agus acmhainn riaracháin a fhorbairt. Ba cheart, áfach, an liosta de thosaíochtaí infheistíochta faoi na cuspóirí téamacha éagsúla a oiriúnú do riachtanais shonracha sprioc an chomhair chríocheaigh Eorpaigh, trí thosaíochtaí infheistíochta breise a chur ar fáil lena dtabharfar cead, go háirithe, leanúint faoi chomhar trasteorann de chomhar dlí agus riaracháin agus comhar idir saoránaigh agus institiúidí, agus de chomhar i réimsí na fostaíochta, na hoiliúna, lánpháirtithe pobal agus an chuimsithe shóisialta i gcomhthéacs trasteorann agus trí straitéisí macraireigiúnacha agus imchuach farraige a fhorbairt agus a chomhordú faoi chomhar trasnáisiúnta. Sa bhreis air sin, ba cheart tosaíochtaí infheistíochta sonracha nó breise a leagan síos le haghaidh clár áirithe um chomhar idir-réigiúnach chun a gcuid gníomhaíochtaí sonracha a léiriú.
- (18) Laistigh de na cuspóirí téamacha a bhaineann le comhtháthú sóisialta a chur chun cinn agus bochtaineacht a chomhrac, agus an tábhacht phraiticiúil atá leis á chur san áireamh, tá sé riachtanach a áirithiú, i gcás chlár trasteorann PEACE idir Tuaisceart Éireann agus contaetha teorann na hÉireann ar mhaithe le síocháin agus athmhuintearas, go rannchuideodh CFRE freisin le cobhsaíocht shóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn sna réigiúin lena mbaineann, go háirithe trí ghníomhaíochtaí chun comhtháthú idir pobail a chur chun cinn. I bhfianaise shainiúlachtaí an chlár trasteorann sin, níor cheart go mbeadh feidhm ag rialacha áirithe sa Rialachán seo i dtaobh oibríochtaí a roghnú maidir leis an gclár trasteorann sin.
- (19) Is gá na ceanglais inneachair a ghabhann le cláir chomhair faoi sprioc an chomhair chríocheaigh Eorpaigh a oiriúnú dá riachtanais shonracha. Ba cheart freisin, dá bhrí sin, go gcumhdódh na ceanglais sin gnéithe atá riachtanach do chur chun feidhme éifeachtach ar chríoch Ballstát rannpháirteach, amhail na gnéithe a bhaineann le comhlachtaí atá freagrach as iniúchóireacht agus rialú, an nós imeachta chun rúnaíocht chomhpháirteach a bhunú, agus leithdháileadh na ndliteanas i gcás ceartuithe airgeadais. Más rud é go mbíonn Ballstáit agus réigiúin rannpháirteach i straitéisí macraireigiúnacha agus imchuach farraige, ba cheart go leagfaí amach sna cláir chomhair lena mbaineann an dóigh a bhféadfadh idirghabhálacha rannchuidiú le straitéisí den sórt sin. Ina theannta sin, mar gheall ar ghné chothrománach clár um chomhar idir-réigiúnach, ba cheart inneachair na gclár chomhair sin a oiriúnú, go háirithe maidir le sainmhíniú an tairbhí nó na dtairbhíthe faoi chlár reatha INTERACT agus ESPON.
- (20) Chun comhordú feabhsaithe a neartú i ndáil le tacaíocht ó CFRE do chlár chomhair, arna nglacadh faoin Rialachán seo, ar tacaíocht í a bhaineann leis na réigiúin is forimeallaí agus go bhféadfadh maoiniú comhlántach ó Chiste Forbraíochta na hEorpa (CFE), ó ENI, ó IPA II agus ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) a bheith ag gabháil leis, ba cheart do Bhallstáit agus tríú tíortha nó do thíortha nó críocha thar lear (tagrófar don cheann deireanach a luadh mar 'críocha' anseo feasta) atá rannpháirteach i gclár chomhair den sórt sin rialacha le haghaidh sásraí comhordúcháin a leagan síos sna cláir sin.
- (21) Is iomchuí go mbeadh tríú tíortha nó críocha bainteach leis an bpróiseas ullmhúcháin do chlár chomhair, i gcás ina mbeidh an cuireadh a bheith rannpháirteach sna cláir sin glactha acu. Ba cheart nósanna imeachta speisialta a bhunú sa Rialachán seo do bhaint den sórt sin. De mhaolú ar an nós imeachta caighdeánach, i gcás ina mbíonn baint ag réigiúin is forimeallaí agus ag tríú tíortha nó críocha le cláir chomhair, ba cheart do na Ballstáit rannpháirteacha dul i gcomhairle leis na tríú tíortha nó críocha faoi seach sula gcuirfear na cláir faoi

bhráid an Choimisiúin. Chun gur éifeachtaí agus gur pragmataí é rannpháirtíocht tríú tíortha nó críoch i gclár chomhair, ba cheart go bhféadfaí na comhaontuithe ar inneachar na gclár comhair agus rannchuidiú féideartha na dtríú tíortha nó na gcríoch a chur in iúl go foirmiúil i miontuairiscí na gcruinnithe comhairliúcháin le tríú tíortha nó críocha den sórt sin, arna bhformheas go foirmiúil, nó sna miontuairiscí ar phléití eagraíochtaí um chomhar réigiúnach, arna bhformheas go foirmiúil. Agus prionsabail na bainistíochta roinnte agus an tsimplithe á gcur san áireamh, ba cheart go mbeadh an nós imeachta um fhorghnóthas na gclár comhair de chineál nach ndéanann an Coimisiún ach na gnéithe lárnacha de na cláir chomhair a fhorghnóthas, agus ba cheart don Bhallstát rannpháirteach nó do na Ballstáit rannpháirteacha na gnéithe eile a fhorghnóthas. Ar mhaithe leis an deimhneacht dhlíthiúil agus leis an trédhearcacht, tá sé riachtanach a áirithiú, i gcásanna ina leasaíonn Ballstát rannpháirteach nó Ballstáit rannpháirteacha gné de chlár comhair nach bhfuil faoi réir an chinnidh ón gCoimisiún, gur cheart don údarás bainistíochta don chlár sin fógra a thabhairt don Choimisiún faoi chinneadh leasaitheach den sórt sin laistigh de mhí amháin ó dháta an chinnidh leasaitheach sin.

- (22) I gcomhréir le straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, ba cheart go dtabharfadh Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa cur chuige níos comhtháite agus níos cuimsithí chun dul i ngleic le fadhbanna áitiúla. Chun cur chuige den sórt sin a láidriú, ba cheart tacaíocht ó CFRE i réigiúin teorann a chomhordú le tacaíocht ó CETFT agus ó CMIE agus ba cheart don tacaíocht sin, i gcás inarb iomchuí, a bheith bainteach le grúpálacha Eorpacha um chomhar críochach (EGTCanna) arna mbunú faoi Rialachán (AE) Uimh. 1302/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ i gcás ina bhfuil forbairt áitiúil ar cheann dá gcuid cuspóirí.
- (23) Bunaithe ar thairbhí ó chlárthréimhse 2007-2013, ba cheart na dálaí maidir le roghnú oibríochtaí a shoiléiriú agus a neartú chun a áirithiú gur oibríochtaí ar oibríochtaí comhpháirteacha go fíor iad a roghnaítear. I ngeall ar chomhthéacs agus shainiúlachtaí ar leith na gclár comhair idir réigiúin is forimeallaí agus tríú tíortha nó críocha, ba cheart coinníollacha comhair níos éadroime a bhunú agus a oiriúnú ó thaobh oibríochtaí próiseála faoi na cláir sin. Ba cheart coincheap na dtairbhíthe aonair a shainmhíniú agus ba cheart go mbeadh sé de chead ag tairbhíthe den sórt sin oibríochtaí comhair a chur i gcrích as a stuaim féin.
- (24) Ba cheart freagrachtaí príomhthairbhíthe, a bhfuil freagracht fhoriomlán acu as cur chun feidhme oibríochta, a shonrú.
- (25) Ba cheart na ceanglais maidir le tuarascálacha cur chun feidhme a oiriúnú do chomhthéacs an chomhair agus

timhriall chur chun feidhme an chlár a léiriú. Ar mhaithe le bainistíocht fhónta, ba cheart go bhféadfaí tabhairt faoin athbhreithniú bliantúil i scríbhinn.

- (26) I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, ba cheart don údarás bainistíochta a áirithiú go ndéanfar meastóireachtaí ar chlár chomhair ar bhonn an phlean meastóireachta agus go n-áireofar iontu meastóireachtaí chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht, éifeachtúlacht agus tionchar na gclár sin. Uair amháin ar a laghad le linn na clárthréimhse, ba cheart measúnú a dhéanamh trí bhithin meastóireachta ar an gcaoi ar rannchuidigh an tacaíocht a tugadh le cuspóirí an chlár a bhaint amach. Ba cheart go mbeadh faisnéis ar áireamh i meastóireachtaí den sórt sin faoi aon choigeartuithe a bheartaítear a dhéanamh i rith na clárthréimhse.
- (27) Ba cheart comhshraith de tháscairí aschuir a leagan síos in Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo chun éascú a dhéanamh ar an measúnú ar an dul chun cinn atáthar a dhéanamh maidir le cur chun feidhme an chlár, arna oiriúnú do shaintréith shonrach na gclár comhair. Ba cheart na táscairí sin a chomhlánú le táscairí toraidh clár-shonracha agus, i gcás inarb ábhartha, le táscairí aschuir clár-shonracha.
- (28) I ngeall ar rannpháirtíocht níos mó ná Ballstát amháin, agus na costais riaracháin a bheith níos airde dá réir, go háirithe maidir le rialuithe agus aistriúchán, ba cheart go mbeadh an uasteorainn le haghaidh caiteachais ar chúnamh teicniúil níos airde ná an uasteorainn faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post. Chun na costais níos airde a fhritháireamh, ba cheart Ballstáit a spreagadh uair ar bith is féidir chun an t-ualach riaracháin i ndáil le cur chun feidhme tionscadal comhpháirteach a laghdú. Sa bhreis air sin, ba cheart do chlár chomhair a bhfuil tacaíocht theoranta CFRE acu íosmhéid áirithe a fháil ar mhaithe le cúnaimh teicniúil, ar méid é a d'fhéadfadh a bheith níos mó ná 6 %, chun maoiniú leordhóthanach le haghaidh gníomhaíochtaí éifeachtacha cúnaimh teicniúil a áirithiú.
- (29) I ngeall ar rannpháirtíocht níos mó ná Ballstát amháin, níl an rialí ghinearálta a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, trína mbeidh rialacha náisiúnta maidir le hincháilitheacht caiteachais le glacadh ag gach Ballstát, iomchuí maidir le sprioc an chomhair chríocheaigh Eorpaigh. Bunaithe ar an taithí a fuarthas i gclárthréimhse 2007-2013, ba cheart go mbunófaí ordlathas soiléir i ndáil le rialacha maidir le hincháilitheacht caiteachais agus claonadh láidir ann i dtreo rialacha maidir le hincháilitheacht caiteachais arna mbunú ar leibhéal an Aontais nó i dtreo clár chomhair ina iomláine chun aon chontrárthachtaí nó neamhréireachtaí féideartha idir Rialachán éagsúla agus idir Rialacháin agus rialacha náisiúnta a sheachaint. Ba cheart, go háirithe, don Choimisiún, bunaithe ar an taithí a fuarthas ó chlárthréimhse 2007-2013, rialacha maidir le hincháilitheacht caiteachais le haghaidh catagóirí costais a leagtar síos sa Rialachán seo a ghlacadh.

⁽¹⁾ Iena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1302/2006 maidir 17 Nollaig 2013 le grúpáil Eorpach um chomhar críochach (EGTC) a mhéid a bhaineann le bunú agus feidhmiú grúpálacha den sórt sin a shoiléiriú, a shimpliú agus a (Féach leathanach 303 den Iris Oifigiúil seo).

- (30) I ngeall ar rannpháirtíocht mhinic foirne ó níos mó ná Ballstát amháin i gcur chun feidhme oibríochtaí, agus mar gheall ar líon na n-oibríochtaí dá bhfuil costas foirne ina ngné shuntasach, ba cheart ráta comhréidh le haghaidh costas foirne a chur i bhfeidhm bunaithe ar chostais dhíreacha eile oibríochtaí comhair, agus ar an gcaoi sin cuntasáocht aonair le haghaidh bainistíocht oibríochtaí den sórt sin a sheachaint.
- (31) Ba cheart na rialacha ar sholúbthacht maidir le suíomh oibríochtaí lasmuigh de limistéar an chláir a shimpliú. Sa bhreis air sin, is gá, trí shocrúithe sainiúla, tacú le comhar éifeachtach trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach le tríú tíortha nó críocha atá i gcomharsanacht an Aontais, agus an comhar sin a éascú, nuair atá an méid sin riachtanach chun a áirithiú go gcuidítear go héifeachtach ina bhforbairt le réigiúin na mBallstát. Dá réir sin, is iomchuí an tacaíocht ó CFRE a údarú, ar bhonn eisceachtúil agus faoi dhálaí áirithe, le haghaidh oibríochtaí atá lonnaithe lasmuigh de chuid Aontais an limistéir chláir agus ar chríoch tríú tíortha comharsanacha, i gcás ina rachaidh na hoibríochtaí sin chun tairbhe réigiúin an Aontais.
- (32) Ba cheart go spreagfaí Ballstáit chun feidhmeanna an údarais bhainistíochta a shannadh do EGTC nó grúpáil den sórt sin a dhéanamh freagrach as an gcuid de chlár comhair a bhaineann leis an gcríoch arna chuimsiú ag EGTC sin a bhainistiú.
- (33) Ba cheart don údarás bainistíochta rúnaíocht chomhpháirteach a bhunú ar cheart di, inter alia, faisnéis a sholáthar d'iarratasóirí ar thacaíocht, déileáil le hiarratais ar thionscadaíl agus cuidiú le tairbhíthe a n-oibríochtaí a chur chun feidhme.
- (34) Ba cheart go mbeadh údarais bhainistíochta freagrach as na feidhmeanna a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, lena n-áirítear as fíoruithe bainistíochta, chun caighdeáin aonfhoirmeacha a áirithiú ar fud limistéar iomlán an chláir. Más rud é, áfach, go mbíonn EGTC ainmnithe mar údarás bainistíochta, ba cheart go ndéanfaí na fíoruithe sin faoi fhreagracht an údarais bainistíochta, ar a laghad i gcás na mBallstát sin agus na dtríú tíortha nó na gcríoch as a bhfuil comhaltaí rannpháirteach in EGTC, agus níor cheart rialaitheoirí a úsáid ach amháin sna Ballstáit agus sna tríú tíortha nó sna críocha eile. Fiú i gcás nach mbíonn EGTC ar bith ainmnithe, ba cheart go mbeadh an t-údarás bainistíochta údaraithe ag na Ballstáit rannpháirteacha chun tabhairt faoi fhíoruithe ar limistéar iomlán an chláir.
- (35) Ba cheart d'údarais deimhniúcháin a bheith freagrach as feidhmeanna an údarais deimhniúcháin a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh 1303/2013. Ba cheart go mbeadh an Ballstát in ann an t-údarás bainistíochta a ainmniú chun feidhmeanna an údarais deimhniúcháin a chur i gcrích freisin.
- (36) Ba cheart go mbeadh údarás aonair iniúchóireachta freagrach as tabhairt faoi fheidhmeanna na n-údarás deimhniúcháin mar a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 iad chun caighdeáin aonfhoirmeacha a áirithiú ar fud limistéar iomlán an chláir. I gcás nach bhfuil sé sin indéanta, ba cheart go gcuideodh grúpa iniúchóirí le húdarás iniúchóireachta an chláir.
- (37) Chun comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a neartú agus chun éifeachtacht a bheartais chomhtháthaithe a threisiú, ba cheart go mbeadh sé de chead ag tríú tíortha a bheith rannpháirteach, trí rannchuidiú acmhainní IPA II agus ENI, le clár um chomhar trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach. Ba cheart, áfach, d'oibríochtaí atá á gcomhaoiniú faoi chláir den sórt sin leanúint le cuspóirí an bheartais chomhtháthaithe a shaothrú, fiú más rud é go gcuirtear chun feidhme iad, go hiomlán nó i bpáirt, lasmuigh de chríoch an Aontais. Sa chomhthéacs seo, is go teagmhasach a bhainfear amach an rannchuidiú le cuspóirí ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais, toisc gur cheart meáchanlár na gclár comhair a chinneadh trí chuspóirí téamacha agus trí thosaíochtaí infheistíochta an bheartais chomhtháthaithe. Chun rannpháirtíocht éifeachtach tríú tíortha i gclár chomhair arna mbainistiú i gcomhréir le príonsabal na bainistíochta roinnte a áirithiú, ba cheart coinníollacha cur chun feidhme cláir a leagan síos sna cláir chomhair iad féin agus freisin, i gcás inar gá, i gcomhaontuithe maoinithe, arna dtabhairt i gcrích idir an Coimisiún, rialtais gach ceann de na tríú tíortha agus an Ballstát ina bhfuil údarás bainistíochta an chláir ábhartha chomhair. Ba cheart do choinníollacha cur chun feidhme cláir a bheith ag teacht le forálacha dhlí an Aontais is infheidhme agus, i gcás inarb iomchuí, le forálacha dhlí náisiúnta na mBallstát rannpháirteach i dtaca le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais.
- (38) Ba cheart slabhra soiléir dliteanais airgeadais a bhunú maidir le suimeanna a aisghnóthú i gcásanna neamhrialtachta, ag réimsiú ó thairbhíthe go dtí an príomhthairbhí go dtí an t-údarás bainistíochta go dtí an Coimisiún. Ba cheart foráil a dhéanamh do dhliteanas Ballstát i gcás nach bhféadfar aisghnóthú a fháil.
- (39) Bunaithe ar an taithí a fuarthas ó chlárthréimhse 2007-2013, ba cheart maolú sainráite a bhunú chun caiteachas tabhaithe a chomhshó in airgeadra seachas an euro, tríd an ráta comhshóite míosúil a chur i bhfeidhm ar dháta chomh cóngarach agus is féidir do phointe ama an chaiteachais nó sa mhí sin ar cuireadh isteach an caiteachas lena fhíorú nó sa mhí sin ar tuairiscíodh an caiteachas don phríomhthairbhí. Ba cheart gur in euro, agus san airgeadra sin amháin, a dhéanfaí pleananna maoinithe, tuarascálacha agus cuntais i dtaobh oibríochtaí comhpháirteacha comhair a thíolacadh chuig an rúnaíocht chomhpháirteach, chuig údarais an chláir agus chuig an gcoiste faireacháin. Ba cheart cruinneas an chomhshóite a bheith fíoraithe.

- (40) Chun rialacha sonracha a leagan amach maidir le comhtháscairí aschuir agus incháilitheacht caiteachais a leasú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le rialacha sonracha maidir le leis an liosta de chomhtháscairí aschuir a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmilgthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar na doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.
- (41) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir leis na liostaí de limistéir thrasteorann, agus de limistéir thrasnáisiúnta, maidir le liosta de na cláir chomhair uile agus den mhéid foriomlán ó thacaíocht CFRE do gach clár comhair, maidir leis an ainmníocht a bhaineann le catagóirí idirghabhála agus maidir leis na samhlacha do chláir chomhair agus do thuarascálacha cur chun feidhme. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.
- (42) Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun cinntí a ghlacadh lena bhformheastar gnéithe áirithe de chláir chomhair, agus aon leasuithe dá éis sin ar na gnéithe sin.
- (43) Níor cheart go ndéanadh an Rialachán seo difear do leanúint de chúnamh nó do mhodhnú cúnaimh, ar cúnaimh é a dhéanann an Coimisiún a fhorfhéas ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ nó ar bhonn aon reachtaíochta eile a bhfuil feidhm aici maidir leis an gcúnamh sin an 31 Nollaig 2013. Ba cheart dá dhroim sin go leanadh an Rialachán sin nó reachtaíocht eile den sórt sin is infheidhme d'fheidhm a bheith acu tar éis an 31 Nollaig 2013 maidir leis an gcúnamh sin nó leis na hoibríochtaí lena mbaineann go dtí go ndúnfar iad. Ba cheart go leanadh iarratais ar chúnamh a fháil, ar iarratais iad a rinneadh nó a formheasadh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006, de bheith bailí.
- (44) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus

críochach a threisiú trí na príomh-mhíchothromaíochtaí san Aontas a cheartú, a ghnóthú go leordhóthanach ach gur féidir, de bharr mhéid na n-éagothromaíochtaí idir leibhéal forbartha na réigiún éagsúil agus ar chúlmhairreach na réigiún is mídheisiúla agus ar an srian atá le hacmhainní airgeadais na mBallstát agus na réigiún, iad a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le príonsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le príonsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

- (45) Ionas go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Bunaítear leis an Rialachán raon feidhme CFRE ag féachaint do sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh agus leagtar forálacha sonracha síos ann maidir leis an sprioc sin.

2. Sainítear sa Rialachán seo, maidir le sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh, príomhchuspóirí agus eagrúchán CFRE, critéir le haghaidh na mBallstát agus na réigiún le bheith incháilithe le haghaidh tacaíochta ó CFRE, na hacmhainní airgeadais atá ar fáil le haghaidh tacaíochta ó CFRE agus na critéir maidir lena leithdháileadh.

Leagtar síos ann freisin na forálacha is gá chun cur chun feidhme éifeachtach, faireachán, bainistíocht airgeadais agus rialú na gclár oibríochtúil faoi sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh a áirithiú ("cláir chomhair"), lena n-áirítear nuair a bhíonn tríú tíortha rannpháirteach i gcláir chomhair den sórt sin.

3. Beidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus ag Caibidil I de Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 maidir le sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh agus le cláir chomhair faoin sprioc sin, ach amháin i gcás ina bhforáiltear go sonracha dá mhálairt faoin Rialachán seo nó i gcás nach féidir feidhm a bheith ag na forálacha sin ach amháin maidir le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na príonsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1783/1999 (IO L 210, 31.7.2006, lch. 1).

*Airteagal 2***Comhchodanna sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh**

Faoi sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh, tacóidh CFRE leis na comhchodanna seo a leanas:

- (1) comhar trasteorann idir réigiúin chónagaracha chun forbairt réigiúnach chomhtháite a chur chun cinn idir réigiúin teorann chomharsanacha talún agus mhuirí in dhá Bhallstát nó níos mó nó idir réigiúin teorann chomharsanacha atá, ar a laghad, i mBallstát amháin agus i dtríú tír amháin ar theorainneacha seachtracha an Aontais seachas iad siúd a chuimsítear ag cláir faoi ionstraimí seachtracha airgeadais an Aontais;
- (2) comhar trasnáisiúnta ar fud críocha trasnáisiúnta níos mó, lena mbaineann comhpháirtithe náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus lena gcumhdaítear freisin comhar trasteorann muirí i gcásanna nach bhfuil cumhdaithe le comhar trasteorann, d'fhonn céim níos airde de chomhtháthú críochach a bhaint amach sna críocha sin;
- (3) comhar idir-réigiúnach chun éifeachtacht an bheartais chomhtháthaithe a threisiú trí na nithe seo a leanas a chur chun cinn:
 - (a) tairbhí a mhalartú lena ndírítear ar chuspóirí téamacha i measc comhpháirtithe ar fud an Aontais, lena n-áirítear i ndáil le forbairt na réigiún dá dtagraítear in Airteagal 174 CFAE, maidir le sainathint agus scaipeadh dea-chleachtas d'fhonn na dea-chleachtais sin a aistriú go príomha chuig cláir oibríochtúla faoi sprioc na hInfeistíochta le haghaidh fáis agus post ach freisin, i gcás inarb ábhartha, chuig cláir chomhair;
 - (b) tairbhí a mhalartú maidir le sainathint, aistriú agus scaipeadh dea-chleachtais i ndáil le forbairt uirbeach inbhuanaithe, lena n-áirítear naisc uirbeacha-thuaithe;
 - (c) tairbhí a mhalartú maidir le sainathint, aistriú agus scaipeadh dea-chleachtas agus cineálacha cur chuige nuálacha maidir le cláir chomhair agus gníomhaíochtaí chomhair a chur chun feidhme chomh maith le húsáid EGTcanna;
 - (d) anailís a dhéanamh ar threochtaí forbartha maidir le haidhmeanna comhtháthaithe chríochoigh, lena n-áirítear gnéithe críochacha den chomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta, agus forbairt chomhchuí a dhéanamh ar chríoch an Aontais trí staidéir, trí bhailiú sonraí agus trí bhearta eile.

*Airteagal 3***Cumhdach geografach**

1. Maidir le comhar trasteorann, is iad réigiúin leibhéal NUTS 3 an Aontais na réigiúin a dtacófar leo ar gach teorainn talún inmheánach agus seachtrach seachas na cinn sin a chuimsítear ag cláir faoi ionstraimí airgeadais seachtracha an Aontais, agus

gach réigiún leibhéal NUTS 3 an Aontais ar feadh teorainneacha muirí nach bhfuil níos mó ná 150 km óna chéile, gan dochar do choigeartuithe féideartha is gá chun comhchuibheas agus leanúnachas limistéar clár chomhair arna mbunú le haghaidh chlárthréimhse 2007-2013 a áirithiú.

Glacfaidh an Coimisiún cinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ina leagfar amach an liosta de na limistéir trasteorann a gheobhaidh tacaíocht, arna miondealú de réir cláir chomhair. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 150(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

Sonrófar sa liosta sin freisin réigiúin sin leibhéal NUTS 3 de chuid an Aontais a chuirtear san áireamh le haghaidh leithdháileadh CFRE maidir le comhar trasteorann ag gach teorainn inmheánach, agus ag na teorainneacha seachtracha sin atá cumhdaithe ag ionstraimí airgeadais seachtracha an Aontais, amhail ENI de bhun ghníomh reachtach ENI agus IPA II de bhun ghníomh reachtach IPA II.

Agus dréachtchlár um chomhar trasteorann á dtíolacadh, féadfaidh Ballstáit, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, agus, chun comhtháthú limistéar trasteorann a áirithiú, a iarraidh go gcuirtear réigiúin bhreise leibhéal NUTS 3 seachas na cinn a liostaítear sa chinneadh dá dtagraítear sa dara fómhír le limistéar ar leith um chomhar trasteorann.

Arna iarraidh sin ag na Ballstát lena mbaineann nó ag na Ballstáit lena mbaineann, chun comhar trasteorann ar theorainneacha muirí do na réigiúin is forimeallaí a éascú, agus gan dochar d'fhorálacha na chéad fhomhíre, féadfaidh an Coimisiún réigiúin leibhéal NUTS 3 sna réigiúin is forimeallaí atá ar feadh teorainneacha muirí atá níos mó ná 150 km ó chéile a áireamh sa chinneadh dá dtagraítear sa dara fómhír mar limistéir trasteorann a fhéadfaidh tacaíocht a fháil as an leithdháileadh comhfhreagrach a thugtar do na Ballstáit sin.

2. Gan dochar d'Airteagal 20(2) agus (3), féadfar réigiúin san Iorua agus san Eilvéis a chuimsiú i gclár um chomhar trasteorann, agus féadfar Lichtinstéin, Andóra, Monacó agus San Marino agus tríú tíortha nó críocha atá i gcomharsanacht na réigiún is forimeallaí a chuimsiú freisin, agus beidh gach ceann díobh coibhéiseach le réigiúin leibhéal NUTS 3.

3. Le haghaidh chomhair thrasnáisiúnta, glacfaidh an Coimisiún cinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ina leagfar amach an liosta de limistéir thrasnáisiúnta a gheobhaidh tacaíocht, arna miondealú de réir cláir chomhair agus ina gcumhdaítear réigiúin leibhéal NUTS 2, agus áiritheoidh sé leanúnachas an chomhair sin i limistéir chomhtháite níos fairsinge bunaithe ar chlár roimhe seo, agus, i gcás inarb iomchuí, straitéisí macraireigiúnacha agus imchuach farraige á chur san áireamh aige. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 150(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

Agus dréachtchláir um chomhar trasnáisiúnta á dtíolacadh, féadfaidh Ballstáit a iarraidh go gcuirtear réigiúin bhreise leibhéal NUTS 2 atá lonnaithe in aice leis na réigiúin a liostaítear sa chinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír le limistéar ar leith um chomhar trasnáisiúnta. Tabharfaidh Ballstáit cúiseanna i leith iarrata den sórt sin.

4. Gan dochar d'Airteagal 20(2) agus (3), d'fhéadfadh sé go gcumhdóidh cláir chomhair thrasnáisiúnta réigiúin in dhá cheann de na tríú tíortha nó de na críocha seo a leanas:

(a) na tríú tíortha nó críocha a liostaítear nó dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo;

(b) Oileáin Fharó agus an Ghraonlainn.

Gan dochar d'Airteagal 20(2) agus (3), is féidir go gcumhdóidh cláir um chomhar trasnáisiúnta réigiúin i dtríú tíortha arna gcuimsiú ag ionstraimí airgeadais seachtracha an Aontais, amhail ENI de bhun ghníomh reachtach ENI, lena n-áirítear réigiúin ábhartha Chónaidhm na Rúise, agus IPA II de bhun ghníomh reachtach IPA II. Déanfar leithreasuithe bliantúla a chomhfhreagraíonn do thacaíocht ENI agus IPA II chuig na cláir sin a chur ar fáil, ar choinníoll go dtugann na cláir aghaidh go leormhaith ar na cuspóirí ábhartha maidir le comhar seachtrach.

Réigiúin atá coibhéiseach le leibhéal NUTS 2 a bheidh i réigiúin den sórt sin.

5. Maidir le comhar idir-réigiúnach, cumhdóidh tacaíocht ó CFRE críoch iomlán an Aontais.

Gan dochar d'Airteagal 20(2) agus (3), is féidir go gcumhdóidh cláir um chomhar idir-réigiúnach na tríú tíortha nó críocha dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) den chéad fhomhír de mhír 4 den Airteagal seo ina n-iomláine, nó cuid de na tríú tíortha nó de na críocha sin.

6. Chun críocha faisnéise, déanfar réigiúin i dtríú tíortha nó i gcríocha dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 4 den chéad mhír de mhír 4 den Airteagal seo a lua sna liostaí dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 3.

7. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, agus d'fhonn éifeachtúlacht chur chun feidhme an chláir a mhéadú, féadfaidh na réigiúin is forimeallaí na méideanna de chuid CFRE a leithdháiltear ar chomhar trasteorann agus trasnáisiúnta, lena n-áirítear an leithdháileadh breise dá bhforáiltear faoi Airteagal 4(2), a chomhcheangal i gclár aonair um chomhar críochach, agus na rialacha is infheidhme maidir le gach ceann de na leithdháilte sin á gcomhlíonadh acu ag an am céanna.

Airteagal 4

Acmhainní le haghaidh sprioc an chomhair críochaigh Eorpaigh

1. Beidh acmhainní le haghaidh sprioc an chomhair críochaigh Eorpaigh cothrom le 2,75 % de na hacmhainní foriomlána atá ar fáil le haghaidh an cheangaltais bhuiséadaigh ó CFRE, ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus ón gCiste

Comhtháthaithe don chláirthréimhse 2014-2020 agus a leagtar amach in Airteagal 91(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 (i.e., 8 948 259 330 ar an iomlán) agus leithdháiltear iad mar seo a leanas:

(a) 74,05 % (i.e., EUR 6 626 631 760 ar an iomlán) le haghaidh comhair trasteorann;

(b) 20,36 % (i.e., EUR 1 821 627 570 ar an iomlán) le haghaidh comhair thrasnáisiúnta;

(c) 5,59 % (i.e., EUR 500 000 000 ar an iomlán) le haghaidh comhair idir-réigiúnaigh.

2. Do chláir faoi sprioc, an chomhair críochaigh Eorpaigh déanfar a leithdháileadh ar na réigiúin is forimeallaí méid nach lú ná 150 % de thacaíocht CFRE a fuair siad sa chláirthréimhse 2007-2013 le haghaidh cláir chomhair. Sa bhreis air sin, cuirtear méid EUR 50 000 000 ón leithdháileadh le haghaidh comhair idir-réigiúnaigh ar leataobh le haghaidh chomhar na réigiúin is forimeallaí. I dtaca le díriú téamach, beidh feidhm ag Airteagal 6(1) maidir leis an leithdháileadh breise sin.

3. Déanfaidh an Coimisiún a sciar de na méideanna foriomlána le haghaidh comhair trasteorann agus thrasnáisiúnta, mar a thagraítear dóibh i bpointí 1 (a) agus (b), agus iad miondealaithe de réir bliana, a chur in iúl do gach Ballstát. Bainfead úsáid as an daonra sna limistéir dá dtagraítear sa dara fhomhír d'Airteagal 3(1) agus sa chéad fhomhír d'Airteagal 3(3) mar chritéar don mhiondealú de réir Ballstáit.

Bunaithe ar na méideanna a chuirtear in iúl de bhun na chéad fhomhíre, déanfaidh gach Ballstát an Coimisiún a chur ar an eolas faoinar bhain sé úsáid as an rogha aistriithe dá bhforáiltear in Airteagal 5, agus faoin mbealach ina ndearna sé an méid sin, agus faoi leithdháileadh na gcistí ar chláir trasteorann agus thrasnáisiúnta a bhfuil na Ballstáit rannpháirteach iontu. Déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn na faisnéise a sholáthróidh na Ballstáit, cinneadh a ghlacadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ina leagfar amach liosta de na cláir chomhair uile agus ina léirítear méid foriomlán thacaíocht CFRE iomlán do gach clár. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 150(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

4. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit lena mbaineann an rannchuidiú ó CFRE le cláir trasteorann agus imchuach farraige faoi ENI agus le cláir trasteorann faoi IPA II a bhunú. Ní dhéanfar rannchuidiú CFRE a bhunófar do gach Ballstát a ath-leithdháileadh ina dhiaidh sin idir na Ballstáit lena mbaineann.

5. Deonófar tacaíocht ó CFRE do chláir aonair trasteorann agus imchuach farraige faoi ENI agus do na cláir trasteorann faoi IPA II ar choinníoll go ndéanann ENI agus IPA II méideanna coibhéiseacha, ar a laghad, a sholáthar. Beidh an choibhéis sin faoi réir ag uasmhéid a leagtar amach i gníomh reachtach ENI nó i gníomh reachtach IPA II.

6. Déanfar na leithreasuithe bliantúla a chomhfhreagraíonn don tacaíocht ó CFRE do chlár trasteorann agus imchuach farraige faoi ENI agus do chlár trasteorann faoi IPA II a chur isteach i línte buiséid ábhartha na n-ionstraimí sin le haghaidh ghnás buiséadach 2014.

7. Maidir leis an rannchuidiú bliantúil ó CFRE leis na clár faoi ENI agus faoi IPA II nach bhfuil clár ar bith tíolachta ina leith chuig an gCoimisiún faoin 30 Meitheamh faoi na clár trasteorann agus imchuach farraige faoi ENI, agus faoi na clár trasteorann faoi IPA II, agus nach bhfuiltear tar éis a ath-leithdháileadh ar chlár eile a tíolacadh faoin gcatagóir céanna de na clár um chomhar seachtrach, déanfar, i 2015 agus i 2016, é a leithdháileadh ar na clár um chomhar trasteorann inmheánach faoi phointe (a) de mhír 1 ina bhfuil an Ballstát lena mbaineann nó na Ballstáit lena mbaineann rannpháirteach.

Más rud é, faoin 30 Meitheamh 2017, go bhfuil clár trasteorann agus imchuach farraige faoi ENI agus clár trasteorann faoi IPA II ann go fóill nár tíolacadh chuig an gCoimisiún, déanfar an rannchuidiú iomlán ó CFRE dá dtagraítear i mír 4 leis na clár sin haghaidh na mblianta atá fanta suas go dtí 2020, nach bhfuiltear tar éis a ath-leithdháileadh ar chlár eile a ghlactar faoin gcatagóir céanna de na clár um chomhar seachtrach, a leithdháileadh ar na clár um chomhar trasteorann inmheánach faoi phointe (a) de mhír 1 ina bhfuil an Ballstát lena mbaineann nó na Ballstáit lena mbaineann rannpháirteach.

8. Maidir le haon chlár trasteorann agus imchuach farraige, dá dtagraítear i mír 4, a bhfuil an Coimisiún tar éis iad a ghlacadh, scoirfead díobh, nó laghdófar an leithdháileadh ar an gclár, i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme, go háirithe, más rud é:

- (a) nár shíniú ceachtar de na tíortha comhpháirtíochta arna gcumhdach ag an gclár an comhaontú maoinithe iomchuí faoin spriocdháta a leagtar amach i gcomhréir le ngníomh reachtach ENI nó le gníomh reachtach IPA II; nó
- (b) nach féidir an clár a chur chun feidhme mar a bhí beartaithe i ngeall ar fhadhbanna sa chaidreamh idir na tíortha rannpháirteacha.

I gcásanna den sórt sin, maidir leis an rannchuidiú ó CFRE dá dtagraítear i mír 4 agus a chomhfhreagraíonn do thráthchodanna bliantúla nach bhfuil geallta fós, nó tráthchodanna bliantúla a gealladh ach a saoradh ina n-iomláine nó i bpáirt as an ngealladh sin le linn na bliana buiséadaí céanna, agus nach bhfuiltear tar éis iad a ath-leithdháileadh ar chlár eile den chatagóir céanna de na clár um chomhar seachtrach, déanfar í a leithdháileadh ar na clár um chomhar trasteorann inmheánach faoi phointe (a) de mhír 1 ina bhfuil an Ballstát lena mbaineann nó na Ballstáit lena mbaineann rannpháirteach, má iarrann an Ballstát nó na Ballstáit go ndéanfaí amhlaidh.

9. Déanfaidh an Coimisiún achoimre bhliantúil ar chur chun feidhme airgeadais na gclár trasteorann agus imchuach farraige faoi ENI, agus ar chlár trasteorann faoi IPA II, dá rannchuidíonn CFRE, a sholáthar, i gcomhréir leis an Airteagal seo, don Choiste arna bhunú faoi Airteagal 150 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

Airteagal 5

Rogha aistrithe

Féadfaidh gach Ballstát suas go 15 % dá leithdháileadh airgeadais do gach ceann de na comhchodanna dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) d'Airteagal 4(1) a aistriú ó cheann de na comhchodanna chuig an gceann eile.

CAIBIDIL II

Díriú téamach agus tosaíochtaí infheistíochta

Airteagal 6

Díriú téamach

1. Beidh ar a laghad 80 % de leithdháileadh CFRE ar gach clár um chomhar trasteorann agus trasnáisiúnta dírithe ar cheithre cinn de na cuspóirí téamacha ar a mhéid a leagtar amach sa chéad mhír d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.
2. Féadfar gach cuspóir téamach, a leagtar amach sa chéad mhír d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, a roghnú le haghaidh clár comhair idir-réigiúnaigh dá dtagraítear i bpointe 3(a) d'Airteagal 2 den Rialachán seo.

Airteagal 7

Tosaíochtaí infheistíochta

1. Déanfaidh CFRE, laistigh dá raon feidhme amháil a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013, rannchuidiú leis na cuspóirí téamacha a leagtar amach sa chéad mhír d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 trí ghníomhaíocht chomhpháirteach faoi na clár um chomhar trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach. Sa bhreis ar na tosaíochtaí infheistíochta a leagtar amach in Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013, féadfaidh CFRE tacú freisin leis na tosaíochtaí infheistíochta seo a leanas laistigh de na cuspóirí téamacha a léirítear le haghaidh gach comhchuid de chomhar críochach Eorpach:

(a) faoi chomhar trasteorann:

- (i) fostaíocht inbhuanaithe agus ar ardcháilíocht d'ardchaighdeán a chur chun cinn agus tacú le soghluaisteacht an lucht saothair trí mhargaí saothair trasteorann a chomhtháthú, lena n-áirítear soghluaisteacht trasteorann, tionscnaimh chomhpháirteacha áitiúla fostaíochta, seirbhísí faisnéise agus comhairleacha, agus oiliúint chomhpháirteach;
- (ii) cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, an bhochtaineacht agus aon idirdhealú a chomhrac trí chomhionannas inscne agus comhdheiseanna a chur chun cinn, agus pobail thar theorainneacha a chomhtháthú;
- (iii) infheistiú in oideachas, in oiliúint agus i ngairmoiliúint le haghaidh scileanna agus i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil trí scéimeanna comhpháirteacha oideachais, gairmoiliúna agus oiliúna a fhorbairt agus a chur chun feidhme;

- (iv) acmhainn institiúideach agus údarás poiblí agus geallsealbhóirí agus riarachán poiblí éifeachtúil a fheabhsú trí chomhar dlíthiúil agus comhar riaracháin a chur chun cinn mar aon leis an gcomhar idir saoránaigh agus institiúidí;
- (b) faoi chomhar trasnáisiúnta: acmhainn institiúideach údarás poiblí agus geallsealbhóirí agus riarachán poiblí éifeachtúil a fheabhsú trí straitéisí macraireigiúnacha agus imchuach farraige a fhorbairt agus a chomhordú;
- (c) faoi chomhar idir-réigiúnach: acmhainn institiúideach údarás poiblí geallsealbhóirí agus riarachán poiblí éifeachtúil a fheabhsú:
- (i) trí dhea-chleachtais agus saineolas a scaipeadh agus buntáiste a bhaint de thorthaí an mhalartaithe taithí maidir le forbairt inbhuanaithe uirbeach, lena n-áirítear naisc uirbeacha-thuaithe de bhun phointe (3)(b) Airteagal 2;
- (ii) trí mhalartú taithí a chur chun cinn ionas go ndéanfaí treisiú ar éifeachtúlacht clár agus gníomhaíochtaí um chomhar críochach mar aon le húsáid EGTCanna de bhun de bhun phointe (3)(c) Airteagal 2;
- (iii) tríd an bunachar cruthúnais a neartú ionas go ndéanfaí treisiú ar éifeachtúlacht an bheartais chomhtháthaithe agus na cuspóirí téamacha a bhaint amach trí anailís a dhéanamh ar threochtaí forbartha de bhun phointe (3)(d) Airteagal 2;

2. I gcás Chlár trasteorann PEACE agus laistigh den chuspóir téamach a bhaineann le cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, an bhochtaineacht agus aon idirdhealú a chomhrac, déanfaidh CFRE freisin rannchuidiú le cobhsaíocht shóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn sna réigiúin lena mbaireann, go háirithe trí ghníomhaíochtaí chun comhtháthú idir pobail a chur chun cinn.

CAIBIDIL III

Cláreagrú

Airteagal 8

Inneachar, glacadh agus leasú na gclár comhair

1. Beidh clár comhair comhdhéanta d'aiseanna tosaíochta. Gan dochar d'Airteagal 59 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, beidh ais tosaíochta ag comhfhreagairt do chuspóir téamach agus is é a bheidh inti tosaíocht infheistíochta amháin nó níos mó de chuid an chuspóra théamaigh sin i gcomhréir le hAirteagal 6 agus le hAirteagal 7 den Rialachán seo. I gcás inarb iomchuí, agus d'fhonn a tionchar agus a héifeachtúlacht a mhéadú trí chur chuige comhtháite atá comhleánúnach, ó thaobh an téama de, i dtaca le cuspóirí straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a shaothrú, féadfaidh ais tosaíochta, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, ceann amháin nó níos mó de thosaíochtaí infheistíochta comhlántacha as cuspóirí téamacha éagsúla a chomhcheangal d'fhonn an rannchuidiú uasta leis an ais tosaíochta sin a bhaint amach.

2. Rannchuideoidh clár comhair le straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach agus le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bhaint amach, agus leagfar amach sa chlár an méid seo a leanas:

- (a) dlisteanú ar rogha na gcuspoirí téamacha, na dtosaíochtaí infheistíochta comhfhreagracha agus na leithdháiltí airgeadais, ag féachaint don Chomhchreat straitéiseach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, bunaithe ar anailís ar na riachtanais laistigh de limistéar an chláir ina iomláine agus an straitéis a roghnaíodh mar fhreagairt ar riachtanais den sórt sin, agus aghaidh a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, ar na naisc easnamhacha sa bhonneagar trasteorann, agus torthaí meastóireachta ex ante a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 á gcur san áireamh;
- (b) maidir le gach ais tosaíochta seachas cúnaimh teicniúil:
- (i) na tosaíochtaí infheistíochta agus na cuspóirí sonracha comhfhreagracha;
- (ii) chun neart a chur le treoshuíomh thorthaí an chláreagraithe, na torthaí a bhfuiltear ag súil leo maidir leis na sainchuspóirí, agus na táscairí comhfhreagracha ar thorthaí a bhfuil luach bonnlíne agus luach sprice acu, agus iad cainníochtaithe, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 16;
- (iii) tuairisc ar chineál agus ar shamplaí gníomhaíochtaí a bhfuil tacaíocht le fáil acu faoi gach tosaíocht infheistíochta agus a mhéid a mheastar a chuirfidh siad leis na sainchuspóirí dá dtagraítear i bpointe (i), lena n-áirítear na príonsabail atá mar threoraíocht agus oibríochtaí á roghnú agus, i gcás inarb iomchuí, na spriocghrúpaí príomha, críocha sonracha a ndírítear orthu, cineálacha na dtairbhíthe úsáid bheartaithe na n-ionstraimí airgeadais, agus mórtionscadal a shainaitheint;
- (iv) na comhtháscairí aschuir agus na táscairí sonracha aschuir, lena n-áirítear an luach sprice cainníochtaithe, a mheastar a rannchuideoidh leis na torthaí, i gcomhréir le hAirteagal 16, i gcomhair gach tosaíochta infheistíochta;
- (v) céimeanna cur chun feidhme agus táscairí airgeadais agus aschuir, agus i gcás inarb iomchuí, táscairí ar thorthaí a shainaitheint le húsáid mar gharspriocanna agus mar spriocanna don chreat feidhmíochta i gcomhréir le hAirteagal 21(1) le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an rialachán sin;
- (vi) i gcás inarb iomchuí, achoimre d'úsáid bheartaithe an chúinimh theicniúil, lena n-áirítear, i gcás inar gá sin, gníomhaíochtaí chun treisiú a dhéanamh ar acmhainn riaracháin na n-údarás atá bainteach le bainistiú agus rialú na gclár agus na dtairbhíthe agus, i gcás inar gá sin, gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar acmhainn riaracháin na gcomhpháirtithe ábhartha le bheith rannpháirteach i gcur chun feidhme na gclár;

- (vii) na catagóirí comhfhreagracha idirghabhála bunaithe ar ainmníocht arna glacadh ag an gCoimisiún agus miondealú tascach ar na hacmhainní cláreagraithe;
- (c) maidir le gach ais tosaíochta a bhaineann le cúnaimh teicniúil:
- (i) cuspóirí sonracha;
- (ii) na torthaí a bhfuiltear ag súil leo le haghaidh gach sainchuspóra agus, i gcás ina mbeidh údar maith oibiachtúil leo ag féachaint d'ábhar na gníomhaíochtaí, na táscairí comhfhreagracha ar thorthaí, ag a bhfuil luach bonnlíne agus luach sprice, i gcomhréir le hAirteagal 16;
- (iii) tuairisc ar ghníomhaíochtaí a bhfuil tacaíocht le fáil acu agus a mhéid a mheastar a chuirfidh siad leis na sainchuspóirí dá dtagraítear i bpointe (i);
- (iv) na táscairí aschuir a mheastar a rannchuideoidh leis na torthaí;
- (v) na catagóirí comhfhreagracha idirghabhála bunaithe ar ainmníocht arna nglacadh ag an gCoimisiún agus miondealú tascach ar na hacmhainní cláreagraithe;
- Ní bheidh feidhm ag pointe (ii) sa chás nach rachaidh rannchuidiú an Aontais leis an ais tosaíochta nó leis na haiseanna tosaíochta a bhaineann le cúnaimh teicniúil i gclár comhair EUR 15 000 000.
- (d) plean maoinithe ina bhfuil na táblaí seo a leanas (gan aon deighilt de réir an Bhallstáit rannpháirtigh):
- (i) tábla ina saineofar le haghaidh gach bliana, i gcomhréir leis na rialacha maidir le rátaí cómhaoinithe a leagtar síos in Airteagal 60, Airteagal 120 agus Airteagal 121 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, méid an leithreasaithe airgeadais iomláin atá beartaithe don tacaíocht ó CFRE;
- (ii) tábla ina saineofar, don chláirthréimhse ar fad, don chláir comhair agus do gach ais tosaíochta, méid an leithreasaithe airgeadais iomláin den tacaíocht ó CFRE agus ón gcómhoiniú náisiúnta. Maidir le haiseanna tosaíochta lena gcomhcheanglaítear tosaíochtaí infheistíochta ó chuspóirí téamacha éagsúla, saineofar sa tábla méid an leithreasaithe airgeadais iomláin agus an gcómhoiniú náisiúnta le haghaidh gach ceann de na cuspóirí téamacha comhfhreagracha. Sa chás ina bhfuil an gcómhoiniú náisiúnta comhdhéanta de chómhoiniú poiblí agus príobháideach, beidh miondealú tascach sa tábla idir na comhchodanna poiblí agus príobháideacha. Déanfar, chun críocha faisnéise, aon rannchuidiú ó thríú tíortha atá rannpháirteach sa chláir agus rannpháirtíocht bheartaithe BEI a léiriú ann;
- (e) liosta de na mórtionscail a bhfuil sé beartaithe iad a chur chun feidhme le linn na clárthréimhse.

Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bhaineann leis an ainmníocht dá dtagraítear i bpointe (b)(vii)

agus i bpointe (c)(v) den chéad fhomhír a ghlacadh. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 150(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

3. Agus inneachar agus cuspóirí á gcur san áireamh, déanfar tuairisc i gclár comhair ar an gcur chuige comhtháite i ndáil le forbairt chríochach, lena n-áirítear i dtaca le réigiúin agus le limistéir dá dtagraítear ain Airteagal 174(3) CFAE, ag féachaint do Chomhaontuithe Comhpháirtíochta na mBallstát rannpháirteacha, agus an tslí ina gcuireann an clár comhair sin le baint amach a chuspóirí agus a thorthaí a bhfuiltear ag súil leo á léiriú, agus an méid seo a leanas á shonrú, i gcás inarb iomchuí:

- (a) an cur chuige i leith ionstraimí maidir le forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail a úsáid agus na prionsabail chun na limistéir ina gcuirfear chun feidhme í a shaináithint;
- (b) na prionsabail chun limistéir uirbeacha a shaináithint ina bhfuil gníomhaíochtaí comhtháite le haghaidh forbartha uirbí inbhuanaithe le cur chun feidhme agus an leithdháileadh tascach de thacaíocht CFRE le haghaidh gníomhaíochtaí den sórt sin;
- (c) an cur chuige i leith úsáid ionstraim na hinfheistíochta críochaí comhtháite dá dtagraítear in Airteagal 11, seachas i gcásanna nach gclúdaítear le pointe (b), agus an leithdháileadh airgeadais tascach a bheadh ag gabháil dóibh ó gach ais tosaíochta;
- (d) más rud é go mbíonn Ballstáit agus réigiúin rannpháirteach i straitéisí macraireigiúnacha agus i straitéisí imchuach farraige, a mhéid a rannchuidíonn na hidirghabhálacha beartaithe faoin gclár comhair leis na straitéisí sin, faoi réir ag riachtanais limistéar an chláir faoi mar a shaináithníonn an Ballstát ábhartha iad agus, i gcás inarb infheidhme, tionscadail atá tábhachtach ar bhonn straitéise a shaináithnítear sna straitéisí sin á gcur san áireamh.
4. Déanfar an méid seo a leanas a shaináithint freisin leis an gclár comhair:
- (a) na forálacha cur chun feidhme ina ndéantar an méid seo a leanas:
- (i) an t-údarás bainistíochta, an t-údarás deimhniúcháin agus, i gcás inarb iomchuí, an t-údarás iniúchóireachta a shaináithint;
- (ii) an comhlacht nó na comhlachtaí a bheidh ainmnithe chun cúraimí rialaithe a dhéanamh a shaináithint;
- (iii) an comhlacht nó na comhlachtaí a bheidh ainmnithe le bheith freagrach as cúraimí iniúchóireachta a dhéanamh a shaináithint;
- (iv) an nós imeachta chun an rúnaíocht chomhpháirteach a leagan síos;
- (v) tuairisc achoimre ar na socruithe rialaithe agus bainistíochta a leagan amach;

- (vi) cionroinnt dliteanas i measc na mBallstát rannpháirteach i gcás ceartuithe airgeadais arna bhforchur ag an údarás bainistíochta nó ag an gCoimisiún a leagan amach.
- (b) an comhlacht a bhfuil an Coimisiún chun íocaíochtaí leis;
- (c) na gníomhaíochtaí arna ndéanamh chun na comhpháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a tharraingt isteach in ullmhú an chlár chomhair, agus ról na gcomhpháirtithe sin maidir leis an gclár comhair a ullmhú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear a rannpháirtíocht sa choiste faireacháin.
5. Leagfar amach an méid seo a leanas freisin sa chlár comhair, ag féachaint d'inneachar na gComhaontaithe Comhpháirtíochta agus creat institiúideach agus dlí na mBallstát á chur san áireamh:
- (a) na sásraí chun comhordú éifeachtach a áirithiú idir CFRE, CSE, an Ciste Comhtháthaithe, CETFT, EMFF agus ionstraimí eile cistiúcháin náisiúnta agus ionstraimí eile cistiúcháin de chuid an Aontais, lena n-áirítear comhordú leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾, le ENI, le CFE agus le IPA II, chomh maith le BEI, mar aon le teaghlaim féideartha díobh sin, agus na forálacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I ag ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 á gcur san áireamh sa chás go mbíonn Ballstáit agus tríú tíortha nó críocha rannpháirteach i gclár chomhair ar a n-áirítear úsáid a bhaint as leithreasuithe CFRE do na réigiúin is forimeallaí mar aon le hacmhainní ó CFE, agus sásraí comhordúcháin ar an leibhéal iomchuí chun comhordú éifeachtach a éascú in úsáid na leithreasuithe agus na n-acmhainní sin;
- (b) achoimre den mheasúnú ar an ualach riaracháin ar thairbhíthe agus, i gcás inar gá sin, na gníomhaíochtaí arna mbeartú, a mbeidh creat ama tascach do na gníomhaíochtaí sin ag gabháil leo, chun an t-ualach sin a laghdú
6. Maidir le faisnéis a cheanglaítear a thabhairt faoi phointe (a) den chéad fhomhír de mhír 2, faoi phointí (i) go (vii) den chéad fhomhír de mhír 2, faoi mhír 3 agus faoi phointe (a) de mhír 5, oiriúnófar iad do ghné sonracha na gclár comhair faoi phointí ((3)b), (c) agus (d) Airteagal 2. Ní áireofar faisnéis a cheanglaítear a thabhairt faoi phointe (e) den chéad mhír de mhír 2 agus faoi phointe (b) de mhír 5 i gclár chomhair faoi Airteagal 2(3), (c) agus (d).
7. Áireofar le gach clár comhair, i gcás inarb iomchuí agus faoi réir mheasúnú cuí-réasúnaithe na mBallstát ábhartha ar a ábhartha atá sé d'inneachar agus do chuspóirí na gclár, tuairisc ar an méid seo a leanas:
- (a) na gníomhaíochtaí sonracha trína gcuirfear san áireamh, agus oibríochtaí á roghnú, ceanglais chosaint an chomhshaoil, éifeachtúlacht acmhainní, maolú an athraithe aeráide, oiriúnú don athrú aeráide, athléimneacht ó thubaistí agus cosc ar rioscaí agus bainistíocht rioscaí;
- (b) na gníomhaíochtaí sonracha chun comhdheiseanna a chur chun cinn agus idirdhealú bunaithe ar inscne, ar chine nó bunadh eitneach, ar reiligiún nó creideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar chlaonadh gnéasach a chosc agus an clár comhair á ullmhú, á cheapadh agus á chur chun feidhme agus go háirithe maidir le rochtain ar chistiú, ag féachaint do riachtanais na spriocghrúpaí éagsúla atá i mbaol idirdhealaithe den chineál sin agus go háirithe do na ceanglais chun inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a áirithiú;
- (c) a mhéid a rannchuidíonn an clár comhair le cur chun cinn an chomhionannais idir fir agus mná agus, i gcás inarb iomchuí, ar na socrúithe chun comhtháthú na gné inscne a áirithiú ar leibhéal an chlár agus ar leibhéal na hoibríochta.
- Ní bheidh feidhm ag pointe (a) agus pointe (b) den chéad fhomhír maidir le clár chomhair faoi phointí (3)(b), (c) agus (d) Airteagal 2.
8. Saineoidh clár chomhair faoi phointí (3)(c) agus (d) d'Airteagal 2 an tairbhí nó na tairbhíthe le haghaidh clár chomhair den sórt sin agus féadfaidh siad an nós imeachta deonúcháin a shonrú.
9. Déanfaidh na Ballstáit rannpháirteacha agus, i gcás ina mbeidh an cuireadh chun bheith rannpháirteach sa chlár comhair glactha acu, na tríú tíortha nó na críocha, i gcás inarb infheidhme, a gcomhaontú le hinneachar clár chomhair a dheimhniú, i scríbhinn, sula ndéantar an comhaontú a thíolacadh don Choimisiún. Áireofar leis an gcomhaontú seo freisin gealltanais gach Ballstáit rannpháirtigh agus, i gcás inarb infheidhme, na dtríú tíortha agus na gcríoch, go soláthróidh siad an cómhaoiniú is gá chun an clár comhair a chur chun feidhme agus, i gcás inarb infheidhme, an gealltanais do rannchuidiú airgeadais na dtríú tíortha nó na gcríoch.
- De mhaolú ar an gcéad fhomhír, i gcás clár comhair lena mbainfidh na réigiúin is forimeallaí agus tríú tíortha nó críocha, rachaidh na Ballstáit lena mbaineann i gcomhairle leis na tríú tíortha nó críocha faoi seach sula gcuirfear na clár chomhair faoi bhráid an Choimisiúin. Sa chás sin, féadfar na comhaontuithe maidir le hinneachar na gclár comhair agus rannchuidiú féideartha na dtríú tíortha nó críoch a chur in iúl sna miontuairiscí, arna bhformheas go foirmiúil, ó na cruinnithe comhairliúcháin leis na tríú tíortha nó críocha nó ó phléití na neagraíochtaí um chomhar réigiúnach.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa ina leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lean -aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 680/2007 agus Rialachán (AE) Uimh 67/2010 (IO L 348, 20.12.2013, lch. 129).

10. Déanfaidh na Ballstáit rannpháirteacha agus, i gcás ina mbeidh an cuireadh chun bheith rannpháirteach sa chlár comhair glactha acu, na tríú tíortha nó críocha na cláir chomhair a dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a bheidh glactha ag an gCoimisiún.

11. Déanfaidh an Coimisiún an tsamhail dá dtagraítear i mír 10 a ghlacadh trí bhithin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 150(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

12. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh, trí bhithin gníomhartha cur chun feidhme, lena bhformheasfar na gnéithe uile, lena n-áirítear aon leasú a dhéanfar air amach anseo, a thagann faoin Airteagal seo, ach amháin na gnéithe sin a thagann faoi phointe (b)(vii) de mhír 2, faoi phointe (c)(v) de mhír 2, faoi phointe (e) de mhír 2, faoi phointe(a)(i), agus (c) de mhír 4 agus faoi mhír 5 agus faoi mhír 7 den Airteagal seo, arb iad na Ballstáit rannpháirteacha a bheidh freagrach astu i gcónaí.

13. Maidir le haon chinneadh lena leasófar gnéithe den chlár comhair nach gcomhdaítear leis an gcinneadh ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 12, déanfaidh an t-údarás bainistíochta fógra a thabhairt ina leith don Choimisiún laistigh de mhí amháin ó dháta an chinnidh leasaithe sin. Sonrófar sa chinneadh leasaitheach an dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm, agus ní bheidh an dáta sin níos túisce ná an dáta a nglacfar an cinneadh.

Airteagal 9

Comhphlean Gníomhaíochta

I gcás ina dtugtar faoi chomhphlean gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 104(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 faoi chúram EGTC mar thairbhí, féadfaidh foireann rúnaíocht chomhpháirteach an chlár comhair agus comhaltaí thionól an EGTC teacht chun bheith ina gcomhaltaí den choiste stiúrtha dá dtagraítear in Airteagal 108(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013. Ní bheidh mórán comhaltaí thionól EGTC laistigh den choiste stiúrtha sin.

Airteagal 10

Forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail

Féadfar forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail faoi Airteagal 32 den Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a chur chun feidhme i gclár um chomhar trasteorann, ar choinníoll go bhfuil ionadaithe ó dhá thír, ar a laghad, agus gur Ballstát ceann acu, sa ghrúpa forbartha áitiúil.

Airteagal 11

Infheistíocht chríochach chomhtháite

I gcás clár comhair, is é a bheidh sa chomhlacht idirmheánach a dhéanfaidh bainistíocht agus cur chun feidhme ar infheistíocht chríochach chomhtháite dá dtagraítear in Airteagal 36(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ná comhlacht dlíthiúil atá bunaithe faoi dhlíthe cheann de na tíortha rannpháirteacha ar choinníoll gur údaráis phoiblí nó comhlachtaí poiblí ó dhá thír rannpháirteacha ar a laghad a bhunóidh é, nó gur EGTC a bheidh ann.

Airteagal 12

Oibríochtaí a roghnú

1. Roghnóidh coiste faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 47 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 oibríochtaí faoi chlár chomhair. Féadfaidh an coiste faireacháin sin coiste stiúrtha a chur ar bun, a fheidhmeoidh faoina fhreagracht, chun oibríochtaí a roghnú.

2. Beidh baint ag tairbhíthe ó dhá thír rannpháirteacha ar a laghad, agus ceann acu ar a laghad ó Bhallstát, le hoibríochtaí a roghnaítear faoi chomhar trasteorann agus faoi chomhar trasnáisiúnta. Féadfar oibríocht a chur chun feidhme i dtír aonair, ar choinníoll go ndéantar tionchair nó tairbhí trasteorann nó trasnáisiúnta a shainaithint.

Beidh baint ag tairbhíthe ó thrí thír ar a laghad, agus dhá cheann acu ina mBallstáit, le hoibríochtaí faoi chomhar idir-réigiúnach dá dtagraítear i bpointí (3)(a) agus (b) d'Airteagal 2.

Ní bheidh feidhm ag na coinníollacha a leagtar amach sa chéad fhomhír maidir le hoibríochtaí faoi chlár trasteorann PEACE, idir Tuaisceart Éireann agus contaetha teorann na hÉireann, a bheidh ag tacú leis an tsíocháin agus leis an athmhuintearas mar a thagraítear dó in Airteagal 7(2).

3. D'ainneoin mhír 2, féadfaidh EGTC nó comhlacht dlíthiúil eile bunaithe faoi dhlíthe cheann de na tíortha rannpháirteacha a bheith ina dtairbhí aonair oibríochta ar choinníoll go bhfuil sé bunaithe ag údaráis phoiblí nó ag comhlachtaí poiblí ó dhá thír rannpháirteacha ar a laghad, i gcás comhair trasteorann agus thrasnáisiúnta, agus ó thrí thír rannpháirteacha ar a laghad, i gcás comhair idir-réigiúnaigh.

Comhlacht dlíthiúil a dhéanann ionstraim airgeadais nó ciste cistí, de réir mar is infheidhme, a chur chun feidhme, féadfaidh sé a bheith ina thairbhí aonair d'oibríocht d'uireasa na ceanglais maidir le comhdhéanamh an chomhlachta sin, a leagtar amach sa chéad fhomhír, a chur i bhfeidhm.

4. Comhoibreoidh tairbhíthe i bhforbairt agus i gcur chun feidhme oibríochtaí. Sa bhreis air sin, comhoibreoidh siad i soláthar na foirne oibríochtaí nó i maoiniú na n-oibríochtaí, nó sa dá rud.

Maidir le hoibríochtaí i gclár arna gcur ar bun idir na réigiúin is forimeallaí agus tríú tíortha nó críocha, ní bheidh de cheangal ar na tairbhíthe comhoibriú a dhéanamh ach amháin in dhá cheann de na réimsí a luaitear sa chéad fhomhír.

5. Maidir le gach oibríocht, cuirfidh an t-údarás bainistíochta ar fáil don phríomhthairbhí nó don thairbhí aonair doiciméad ina leagtar amach na dálaí tacaíochta le haghaidh na hoibríochta, lena n-áirítear na ceanglais shonracha maidir leis na táirgí nó na seirbhísí atá le seachadadh faoin oibríocht, an plean maoinithe agus an teorainn ama lena fhorghníomhú.

Airteagal 13

Tairbhíthe

1. I gcás ina bhfuil dhá thairbhí oibríochta i gclár comhair nó níos mó ann, ainmneoidh na tairbhíthe uile ceann díobh mar phríomhthairbhí.

2. Déanfaidh an príomhthairbhí an méid seo a leanas:

- (a) na socrúithe le tairbhíthe eile a leagan síos i gcomhaontú ina bhfuil forálacha lena ráthaítear, inter alia, bainistíocht fhónta airgeadais na gcistí atá leithdháilte ar an oibríocht, lena n-áirítear na socrúithe chun méideanna a íocadh go míchuí a aisghnóthú;
- (b) freagracht a ghlacadh as cur chun feidhme na hoibríochta iomláine a áirithiú;
- (c) a áirithiú go bhfuil caiteachas arna thíolacadh ag na tairbhíthe uile tabhaithe i gcur chun feidhme na hoibríochta agus go gcomhfhreagraíonn sé do na gníomhaíochtaí a comhaontaíodh idir na tairbhíthe uile, agus go bhfuil sé i gcomhréir leis an doiciméad a sholáthraíonn an t-údarás bainistíochta de bhun Airteagal 12(5);
- (d) a áirithiú go mbeidh an caiteachas arna thíolacadh ag tairbhíthe eile fíoraite ag rialtóir nó ag rialtóirí i gcás nach ndéanann an t-údarás bainistíochta an fíorú sin de bhun Airteagal 23(3).

3. Mura sonraítear a mhalairt sna socrúithe a leagtar síos i gcomhréir le pointe (a) de mhír 2, áiríteoidh an príomhthairbhí go bhfaighidh na tairbhíthe eile méid iomlán an rannchuidithe ó na cistí a luaithe agus is féidir agus go mbeidh sé íoctha ina iomláine. Ní asbhainfeadh méid ar bith nó ní choinneofar méid ar bith siar agus ní thobheofar muirear sonracha ar bith ná muirear ar bith eile lena ngabhann éifeacht choibhéseach a laghdódh an méid sin ar na tairbhíthe eile.

4. Beidh príomhthairbhíthe lonnaithe i mBallstát a bheidh rannpháirteach sa chlár comhair. Féadfaidh Ballstáit agus tríú tíortha nó críocha atá rannpháirteach i gclár comhair a chomhaontú, áfach, go mbeidh an príomhthairbhí lonnaithe i dtríú tír nó críoch atá rannpháirteach sa chlár comhair sin, ar choinníoll gur deimhin leis an údarás bainistíochta gur féidir leis an bpríomhthairbhí na cúramaí a leagtar amach i mír 2 agus i mír 3 a chomhlíonadh agus go gcomhlíontar na riachtanais maidir le bainistiú, fíoruithe agus iniúchóireacht.

5. Beidh tairbhíthe aonair cláraithe i mBallstát a bheidh rannpháirteach sa chlár comhair. Féadfaidh siad a bheith cláraithe i mBallstát nach bhfuil rannpháirteach sa chlár, áfach, ar choinníoll go ndéantar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 12(3) a chomhlíonadh.

CAIBIDIL IV

Faireachán agus meastóireacht

Airteagal 14

Tuarascálacha cur chun feidhme

1. Faoin 31 Bealtaine 2016 agus faoin dáta céanna gach bliain ina dhiaidh sin suas go dtí 2022, agus an bhliain 2022 san áireamh, déanfaidh an t-údarás bainistíochta tuarascáil bhliantúil chur chun feidhme a chur faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 50(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013. Cumhdófar na blianta airgeadais 2014 agus 2015, chomh maith leis an tréimhse idir an dáta tosaigh le haghaidh incháilitheachta caiteachais agus an 31 Nollaig 2013, sa tuarascáil chur chun feidhme a chuirfear isteach in 2016.

2. Maidir leis na tuarascálacha a dhéanfar a thíolacadh i 2017 agus 2019, is é an 30 Meitheamh an spriocdháta dá dtagraítear i mír 1.

3. Leagfar amach faisnéis sna tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) cur chun feidhme an chláir chomhair i gcomhréir le hAirteagal 50(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013;
- (b) i gcás inarb iomchuí, dul chun cinn ó thaobh mórthionscadail agus comhphleananna gníomhaíochta a ullmhú agus a chur chun feidhme.

4. Déanfar an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 50(4) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 faoi seach agus an fhaisnéis a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo a leagan amach sna tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme a chuirfear isteach in 2017 agus 2019, agus déanfar measúnú ar an bhfaisnéis uile sin sna tuarascálacha sin agus leagfar amach an fhaisnéis seo a leanas sna tuarascálacha sin agus déanfar measúnú uirthi chomh maith:

- (a) an dul chun cinn maidir leis an bplean meastóireachta agus na bearta leantacha a dhéantar maidir le torthaí na meastóireachtaí a chur chun feidhme;
- (b) torthaí na mbeart faisnéise agus poiblíochta a dtugtar fúthu faoin straitéis chumarsáide;
- (c) rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe maidir le cur chun feidhme an chláir chomhair agus maidir le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh air.

Féadfar, ag brath ar inneachar agus cuspóirí gach clár comhair, faisnéis a bhaineann leis an méid seo a leanas a leagan amach sna tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme a chuirfear isteach in 2007 agus in 2019, agus féadfaidh na tuarascálacha sin measúnú a dhéanamh ar an méid seo a leanas chomh maith:

- (a) an dul chun cinn i gcur chun feidhme an chur chuige chomhtháite maidir le forbairt chríochach, lena n-áirítear forbairt uirbeach inbhuanaithe, agus forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail faoin gclár comhair;

- (b) an dul chun cinn i gcur chun feidhme gníomhaíochtaí chun acmhainn údarás agus tairbhíthe a threisiú maidir le CFRE a riar agus úsáid;
- (c) i gcás inarb iomchuí, an rannchuidiú le straitéisí macraire-igiúnacha agus imchuacha farraige;
- (d) na gníomhaíochtaí sonracha arna nglacadh chun combhionannas idir fir agus mná a chur chun cinn agus chun neamh-idirdhealú a chur chun cinn, go háirithe inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas, agus na socrúithe arna gcur chun feidhme chun a áirithiú go ndéanfaí gné na hinscne a chomhtháthú sa chlár comhair agus sna oibríochtaí;
- (e) gníomhaíochtaí a rinneadh chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn;
- (f) an dul chun cinn i gcur chun feidhme gníomhaíochtaí i réimse na nuálaíochta sóisialta;

5. Déanfar na tuarascálacha bliantúla agus deiridh ar chur chun feidhme a tharraingt suas de réir samhla arna nglacadh ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 150(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

Airteagal 15

Athbhreithniú bliantúil

Déanfar an cruinniú maidir leis an athbhreithniú bliantúil a eagrú i gcomhréir le hAirteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

Más rud é nach n-eagraítear cruinniú maidir le hathbhreithniú bliantúil de bhun Airteagal 51(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, féadfar an t-athbhreithniú bliantúil a dhéanamh i scríbhinn.

Airteagal 16

Táscairí maidir le sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh

1. Bainfear úsáid as comhtháscairí aschuir, de réir mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, as táscairí toraidh clár-shonracha agus, i gcás inarb ábhartha, as táscairí aschuir clár-shonracha, i gcomhréir le hAirteagal 27(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus le pointe (b)(ii) agus (iv) agus pointe (c)(ii) and (iv) den chéad fhomhír d'Airteagal 8(2) den Rialachán seo.

2. Maidir le comhtháscairí aschuir agus táscairí aschuir clár-shonracha, socrófar na bonnlínte ag nialas. Socrófar spriocluachanna cainníochtaithe carnacha do na táscairí sin le haghaidh 2023.

3. Maidir le táscairí toraidh clár-shonracha, a bhaineann le tosaíochtaí infheistíochta, bainfidh na bonnlínte úsáid as na sonraí is déanaí atá ar fáil agus socrófar spriocanna le haghaidh 2023. Féadfar spriocanna a chur in iúl i dtéarmaí cainníochtúla nó cáilíochtúla.

4. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 chun an liosta de chomhtháscairí aschuir a leagtar amach san Iarscríbhinn, a leasú chun coigeartuithe a dhéanamh, i gcás ina bhfuil údar maith leis sin, chun a áirithiú go ndéanfar measúnú éifeachtach ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme an chláir.

Airteagal 17

Cúnamh teicniúil

Beidh méid CFRE a leithdháilfear ar chúnamh teicniúil teoranta do 6 % den mhéid iomlán a leithdháilfear ar chlár comhair. Maidir le cláir nach mó a leithdháileadh iomlán ná EUR 50 000 000, beidh méid CFRE a leithdháiltear ar chúnamh teicniúil teoranta do 7 % den mhéid iomlán a leithdháiltear, ach ní bheidh sé níos lú ná EUR 1 500 000 agus ní bheidh sé níos mó ná EUR 3 000 000.

CAIBIDIL V

Incháilitheacht

Airteagal 18

Rialacha maidir le hincháilitheacht caiteachais

1. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 chun rialacha sonracha a leagan síos maidir le hincháilitheacht caiteachais le haghaidh clár comhair i dtaca le costais foirne, le caiteachas oifige agus riaracháin, le costais taistil agus cóiríochta, le costais a bhaineann le saineolas seachtarach agus seirbhísí seachtaracha, agus le caiteachas ar threalamh. Faoin 22 Aibreán 2014, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle i leith na ngníomhartha tarmligthe, arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 29.

2. Gan dochar do na rialacha maidir le hincháilitheacht a leagtar síos in Airteagail 65 go 71 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, nó atá bunaithe ar na hAirteagail sin, do Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013, don Rialachán seo nó don ghníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, déanfaidh na Ballstáit atá rannpháirteach sa choiste faireacháin rialacha breise maidir le hincháilitheacht caiteachais a bhunú le haghaidh an chláir chomhair ina iomláine.

3. I gcás nithe nach gcumhdaítear leis na rialacha maidir le hincháilitheacht a leagtar síos in Airteagal 65 go hAirteagal 71 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, nó atá bunaithe ar na hAirteagail sin, le Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013, leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, nó leis na rialacha arna mbunú go comhpháirteach ag na Ballstáit rannpháirteacha i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo, beidh feidhm ag rialacha náisiúnta an Bhallstáit ina dtabhaítear an caiteachas maidir leo.

Airteagal 19

Costais foirne

Féadfar costais foirne oibríochta a ríomh mar ráta comhréidh de suas le 20 % de na costais dhíreacha seachas costais foirne na hoibríochta sin.

*Airteagal 20***Incháilitheacht oibríochtaí i gcláir chomhair ag brath ar láthair**

1. Maidir le hoibríochtaí faoi chláir chomhair, faoi réir ag na maoluithe dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3, beidh siad lonnaithe sa chuid de limistéar an chláir ar cuid de chríoch an Aontais é ('cuid an Aontais de limistéar an chláir').

2. Féadfaidh an t-údarás bainistíochta glacadh leis go bhfuil oibríocht iomlán, nó cuid de, á cur chun feidhme taobh amuigh de chuid an Aontais de limistéar an chláir, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas ar fad:

- (a) is chun tairbhe limistéar an chláir atá an oibríocht;
 - (b) ní mó an méid iomlán arna leithdháileadh faoin gclár comhair ar oibríochtaí atá lonnaithe lasmuigh de chuid Aontais an limistéir chláir ná 20 % den tacaíocht ó CFRE ar leibhéal cláir, nó 30 % i gcás clár comhair ina gcuimsítear na réigiúin is forimeallaí i gcuid an Aontais de limistéar an chláir;
 - (c) comhlíonann údarás na gclár comhair oibleagáidí na n-údarás bainistíochta agus iniúchóireachta i dtaca le bainistíocht, rialú agus iniúchóireacht a bhaineann leis an oibríocht nó tugann siad comhaontuithe i gcrích le húdarás sa Bhallstát nó sa tríú tír nó sa chríoch ina gcuirtear an oibríocht chun feidhme.
3. Caiteachas maidir le hoibríochtaí a bhaineann le cúnaimh teicniúil nó le gníomhaíochtaí fógraíochta agus forbairt acmhainní, féadfar é a thabhtú lasmuigh de chuid an Aontais de limistéar an chláir ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha phointí (a) agus (c) de mhír 2.

*CAIBIDIL VII***Bainistíocht, rialú agus ainmniú***Airteagal 21***Údarás a ainmniú**

1. Chun críocha Airteagal 123(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, déanfaidh Ballstáit a bheidh rannpháirteach i gclár comhair údarás aonair bainistíochta a ainmniú; chun críocha Airteagal 123(2) den Rialachán sin, déanfaidh siad údarás aonair deimhniúcháin a ainmniú; agus, chun críocha Airteagal 123(4) den Rialachán sin, déanfaidh siad údarás aonair iniúchóireachta a ainmniú. Beidh an t-údarás bainistíochta agus an t-údarás iniúchóireachta lonnaithe sa Bhallstát céanna.

Féadfaidh na Ballstáit a bheidh rannpháirteach i gclár comhair an t-údarás bainistíochta a ainmniú mar an t-údarás atá freagrach chomh maith as feidhmeanna an údarás deimhniúcháin a chur i gcrích. Beidh an t-ainmniú sin gan dochar do chionroinnt na ndliteanas maidir le coigeartuithe airgeadais a chur i bhfeidhm i measc na mBallstát rannpháirteach de réir mar a leagtar síos sa chláir comhair.

2. Gheobhaidh an t-údarás deimhniúcháin na híocaíochtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún agus, mar rial ginearálta, déanfaidh sé íocaíochtaí leis an bpríomhthairbhí i gcomhréir le hAirteagal 132 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

3. Maidir leis an nós imeachta a úsáidtear chun an t-údarás bainistíochta agus, i gcás inarb iomchuí, an t-údarás deimhniúcháin a ainmniú, a leagtar amach in Airteagal 124 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, is é an Ballstát ina bhfuil an t-údarás lonnaithe a thabharfaidh faoi.

*Airteagal 22***Grúpáil Eorpach um chomhar críochach**

Féadfaidh Ballstáit a bheidh rannpháirteach i gclár comhair úsáid a bhaint as EGTC d'fhonn é a dhéanamh freagrach as an gclár comhair sin, nó cuid de, a bhainistiú, go háirithe trí fhreagrachtaí údarás bhainistíochta a thabhairt dó.

*Airteagal 23***Feidhmeanna na n-údarás bainistíochta**

1. Gan dochar do mhír 4 den Airteagal seo, déanfaidh údarás bainistíochta cláir chomhair na feidhmeanna a leagtar síos in Airteagal 125 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a chomhlíonadh.

2. Déanfaidh an t-údarás bainistíochta, i ndiaidh comhairliúcháin leis na Ballstáit agus leis na tríú tíortha atá rannpháirteach i gclár comhair, rúnaíocht chomhpháirteach a bhunú.

Beidh an rúnaíocht chomhpháirteach sin de chúnamh ag an údarás bainistíochta agus ag an gcoiste faireacháin a mhéid a bhaineann lena bhfeidhmeanna faoi seach a chomhlíonadh. Cuirfidh an rúnaíocht chomhpháirteach faisnéis ar fáil do thairbhíthe féideartha maidir le deiseanna cistiúcháin faoi chláir chomhair agus cuideoidh sí le tairbhíthe chun na hoibríochtaí a chur chun feidhme.

3. Más rud é gur EGTC atá san údarás bainistíochta, is é an t-údarás bainistíochta a dhéanfaidh na fíoruithe faoi phoinne (a) d'Airteagal 125(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, nó is faoi fhreagracht an údarás sin a dhéanfar na fíoruithe sin, ar a laghad do na Ballstáit sin agus do na tríú tíortha nó na críocha sin as a bhfuil comhaltaí rannpháirteach in EGTC.

4. I gcás nach ndéanann an t-údarás bainistíochta fíoruithe faoi phoinne (a) d'Airteagal 125(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ar fud limistéar iomlán an chláir, nó i gcás nach údarás bainistíochta do na Ballstáit agus na tríú tíortha nó na críocha sin as a bhfuil comhaltaí rannpháirteach in EGTC i gcomhréir le mír 3 a dhéanann na fíoruithe nó nach faoi fhreagracht an údarás sin a dhéantar iad, ainmneoidh gach Ballstát nó, i gcás ina mbeidh an cuireadh a bheith rannpháirteach sa chláir comhair glactha aici, gach tríú tír nó gach críoch an comhlacht nó an duine atá freagrach as na fíoruithe sin a dhéanamh maidir le tairbhíthe ar a chríoch nó ar a críoch féin (an 'rialtóir' nó na 'rialtóirí').

Féadfaidh sé gurb ionann na rialtóirí dá dtagraítear sa chéad fhómhír agus na comhlachtaí atá freagrach as na fíoruithe sin a dhéanamh le haghaidh na gclár oibríochtaí faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fais agus post nó, i gcás tríú tíortha, iad siúd atá freagrach as fíoruithe inchomparáide a dhéanamh faoi ionstraimí beartais sheachtraigh an Aontais.

Beidh an t-údarás bainistíochta deimhin de go mbeidh caiteachas gach tairbhí atá rannpháirteach in oibríocht fíoraithe ag rialtóir ainmnithe.

Áiríteoidh gach Ballstát gur féidir caiteachas tairbhí a fhíorú laistigh de thréimhse trí mhí ón tráth a gcuirfidh an tairbhí lena mbaineann na doiciméid isteach.

Beidh gach Ballstát nó, i gcás ina mbeidh an cuireadh a bheith rannpháirteach sa chlár comhair glactha aici, gach tríú tír freagrach as na fíoruithe a dhéantar ar a chríoch nó ar a críoch féin.

5. I gcás nach féidir seachadadh táirgí nó seirbhísí cómhaoinithe a fhíorú ach amháin maidir le hoibríocht ina hiomláine, is é an t-údarás bainistíochta nó rialtóir an Bhallstáit ina bhfuil an príomhthairbhí lonnaithe a dhéanfaidh an fíorú.

Airteagal 24

Feidhmeanna an údaráis deimhniúcháin

Udarás deimhniúcháin cláir chomhair, déanfaidh sé na feidhmeanna a leagtar síos in Airteagal 126 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

Airteagal 25

Feidhmeanna an údaráis iniúcháireachta

1. Féadfaidh na Ballstáit agus na tríú tíortha atá rannpháirteach i gclár comhair an t-údaráis iniúcháireachta a údarú chun na feidhmeanna dá bhforáiltear in Airteagal 127 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a dhéanamh go díreach sa chríoch iomlán atá cumhdaithe ag clár comhair. Sonróidh siad cén uair a bheidh iniúcháir Ballstáit nó tríú tíre i dteannta an údaráis iniúcháireachta.

2. I gcás nach bhfuil an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 ag an údarás iniúcháireachta, beidh cúnaimh aige ó ghrúpa iniúcháirí a bheidh comhdhéanta d'ionadaí ó gach Ballstát nó tríú tír atá rannpháirteach sa chlár comhair agus a chomhlíonann na feidhmeanna dá bhforáiltear in Airteagal 127 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013. Beidh gach Ballstát nó, i gcás ina mbeidh an cuireadh a bheith rannpháirteach i gclár comhair glactha aici, gach tríú tír freagrach as na hiniúcháireachtaí a dhéantar ar a chríoch nó ar a críoch féin.

Beidh gach ionadaí ó gach Ballstát nó ó gach tríú tír atá rannpháirteach sa chlár comhair freagrach as na gnéithe fíorasacha a bhaineann le caiteachas ar a chríoch agus atá ag teastáil ón údarás iniúcháireachta chun a mheasúnú a chur i gcrích a sholáthar.

Bunófar grúpa iniúcháirí ar a dhéanaí laistigh de thrí mhí ón gcinneadh ina ndéantar an clár comhair a fhorghéas. Déanfaidh sé a chuid rialacha níos imeachta féin a tharraingt suas agus is é údarás iniúcháireachta an chlár comhair a ghníomhóidh mar chathaoirleach.

3. Beidh na hiniúcháirí neamhspleách ó thaobh feidhme de ó rialtóirí a dhéanann fíoruithe faoi Airteagal 23.

CAIBIDIL VII

Rannpháirtíocht tríú tíortha i gcláir um chomhar trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach

Airteagal 26

Coinníollacha cur chun feidhme maidir le rannpháirtíocht tríú tíortha

Déanfar na coinníollacha is infheidhme do chur chun feidhme cláir lena rialaítear an bhainistíocht airgeadais chomh maith le cláreagrú, faireachán, meastóireacht agus rialú rannpháirtíocht na dtríú tíortha trí rannchuidiú acmhainní IPA II nó ENI le cláir um chomhar trasnáisiúnta agus le cláir um chomhar idir-réigiúnach a bhunú sa chlár comhair ábhartha agus freisin, i gcás inar gá sin, sa chomhaontú maoinithe idir an Coimisiún, gach ceann de rialtais na dtríú tíortha lena mbaineann agus an Ballstát atá ina óstach ar údarás bainistíochta an chlár comhair ábhartha. Beidh na coinníollacha do chur chun feidhme clár ar comhréir le rialacha bheartas comhtháthaithe an Aontais.

CAIBIDIL VIII

Bainistíocht airgeadais

Airteagal 27

Ceangaltas bhuiséadacha, íocaíochtaí agus aisghnóthú

1. Déanfar tacaíocht CFRE do chlár comhair a íoc isteach i gcuntas aonair nach mbeidh aon fhochuntais náisiúnta aige.

2. Áiríteoidh an t-údarás bainistíochta go ndéantar méid ar bith a íocfar mar thoradh ar neamhrialtacht a aisghnóthú ón bpríomhthairbhí nó ón tairbhí aonair. Déanfaidh tairbhíthe méideanna ar bith a íocadh go míchuí a aisíoc leis an bpríomhthairbhí.

3. Mura n-éiríonn leis an bpríomhthairbhí aisíocaíocht a dhaingniú ó thairbhíthe eile nó mura n-éiríonn leis an údarás bainistíochta aisíocaíocht a dhaingniú ón bpríomhthairbhí nó ón tairbhí aonair, déanfaidh an Ballstát nó an tríú tír a bhfuil an tairbhí lena mbaineann lonnaithe ar a chríoch nó, i gcás EGTC, ina bhfuil sé cláraithe, aon mhéideanna a íocadh go míchuí leis an tairbhí sin a aisíoc leis an údarás bainistíochta. Beidh an t-údarás bainistíochta freagrach as na méideanna i dtrácht a aisíoc le buiséad ginearálta an Aontais, i gcomhréir le cionroinnt na ndliteanas i measc na mBallstát rannpháirteach mar a leagtar síos sa chlár comhair.

*Airteagal 28***Úsáid an euro**

De mhaolú ar Airteagal 133 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, i gcás caiteachas arna thabhtú in airgeadra seachas an euro, déanfaidh na tairbhíthe é a chomhshó go euro agus leas á bhaint acu as ráta malairte cuntasáíochta míosúil an Choimisiúin sa mhí ar lena linn:

- (a) a tabhaíodh an caiteachas sin;
- (b) a cuireadh an caiteachas sin faoi bhráid an údaráis bhainistíochta nó faoi bhráid an rialtóra lena fhíorú i gcomhréir le hAirteagal 23 den Rialachán seo; nó
- (c) a tuairiscíodh an caiteachas sin don phríomhthairbhí.

Leagfar amach sa chlár comhair an modh a roghnófar agus beidh sé infheidhme maidir leis an tairbhíthe go léir.

Is é an t-údarás bainistíochta nó an rialtóir sa Bhallstát nó sa tríú tír ina bhfuil an tairbhí lonnaithe a fhíoróidh an comhshó.

CAIBIDIL IX

Forálacha críochnaitheacha*Airteagal 29***An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a dhéanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thabhairt don Choimisiún.
2. Déanfar tarmligean na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 16(4) agus in Airteagal 18(1) a thabhairt don Choimisiún ón 21 Nollaig 2013 go dtí an 31 Nollaig 2020.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 16(4) agus in Airteagal 18(1) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 17 Nollaig 2013.

Thar ceann Parlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

5. Ní thiofáidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 16(4) agus Airteagal 18(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 30***Forálacha idirthréimhseacha**

1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do leanúint de chúnamh nó de mhodhnú cúnaimh, lena n-áirítear é a chealú ina iomláine nó i bpáirt, ar cúnaimh é a dhéanann an Coimisiún a fhorghas ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 nó ar bhonn aon reachtaíochta eile a bhfuil feidhm aici maidir leis an gcúnaimh sin an 31 Nollaig 2013. Leanfaidh an Rialachán sin nó reachtaíocht eile den sórt sin is infheidhme, dá dhroim sin, d'fheidhm a bheith acu i ndiaidh an 31 Nollaig 2013 maidir leis an gcúnaimh sin nó maidir leis na hoibríochtaí lena mbaineann go dtí go ndúnfar iad. Chun críocha na míre seo, cumhdófar le cúnaimh cláir oibríochtúla agus mórhionscadail.

2. Maidir le hiarratais ar chúnamh a fháil, ar iarratais iad a rinneadh nó a formheasadh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 roimh an 1 Eanáir 2014, leanfaidh siad de bheith bailí.

*Airteagal 31***Athbhreithniú**

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle athbhreithniú ar an Rialachán seo faoin 31 Nollaig 2020, i gcomhréir le hAirteagal 178 CFAE.

*Airteagal 32***Teacht i bhfeidhm**

Tiofáidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 4, ag Airteagal 27 agus ag Airteagal 28 le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
R. ŠADŽIUS

IARSCRÍBHINN

COMHTHÁSCAIRÍ ASCHUIR MAIDIR LE SPRIOC AN CHOMHAIR CHRÍOCHAIGH EORPAIGH

	AONAD	AINM
Infheistíocht tháirgiúil		
	fiontair	Líon na bhfiontar a fhaigheann tacaíocht
	fiontair	Líon na bhfiontar a fhaigheann deontais
	fiontair	Líon na bhfiontar a fhaigheann tacaíocht airgeadais seachas deontais
	fiontair	Líon na bhfiontar a fhaigheann tacaíocht neamhairgeadais
	fiontair	Líon na bhfiontar nua a fhaigheann tacaíocht
	fiontair	Líon na bhfiontar atá rannpháirteach i dtionscadail taighde trasteorann, thrasnáisiúnta nó idir-réigiúnacha
	eagraíochtaí	Líon na n-institiúidí taighde atá rannpháirteach i dtionscadail taighde trasteorann, thrasnáisiúnta nó idir-réigiúnacha
	EUR	Infheistíocht phríobháideach lena meaitseáiltear tacaíocht phoiblí d'fhiontair (deontais)
	EUR	Infheistíocht phríobháideach lena meaitseáiltear tacaíocht phoiblí d'fhiontair (nach deontais atá inti)
	coibhéisí lánaimseartha	Méadú fostaíochta i bhfiontair a fhaigheann tacaíocht
Turasóireacht inbhuanaithe	cuartheanna/bliaana	Méadú i líon na gcuartheanna a mbeifear ag súil leo ar shuímh oidhreachta cultúrtha agus nádúrtha agus ar nithe is díol spéise do thurasóirí a fhaigheann tacaíocht
Bonneagar TFC	Líonta tí	Líonta tí breise a bhfuil rochtain leathanbhanda 30 Mbps ar a laghad acu
Iompar		
Iarnród	ciliméadair	Fad iomlán na línte iarnróid nua
		ar de sin: TEN-T
	ciliméadair	Fad iomlán na línte iarnróid atógtha nó uasghrádaithe
		ar de sin: TEN-T
Bóithre	ciliméadair	Fad iomlán na mbóithre nuathógtha
		ar de sin: TEN-T
	ciliméadair	Fad iomlán na mbóithre atógtha nó uasghrádaithe
		ar de sin: TEN-T
Iompar uirbeach	ciliméadair	Fad iomlán na dtrambhealaí nó na línte meitreo atá nua nó feabhsaithe
Uiscebhealaí intíre	ciliméadair	Fad iomlán na n-uiscebhealaí intíre nua nó na n-uiscebhealaí intíre atá feabhsaithe
Comhshaol		
Dramhaíl sholadach	tonaí/bliaana	Acmhainn bhreise athchúrsála dramhaíola

	AONAD	AINM
Soláthar uisce	daoine	Daonra breise a gcuirtear soláthar uisce feabhsaithe ar fáil dó
Cóireáil fuíolluisce	coibhéis daonra	Daonra breise a gcuirtear cóireáil fuíolluisce feabhsaithe ar fáil dó
Cosc ar riosca agus bainistíocht riosca	daoine	Daonra a bhaineann tairbhe as bearta um chosaint ar thuilte
	daoine	Daonra a bhaineann tairbhe as bearta maidir le cosaint ar dhóiteáin foraoise
Athshlánú talún	heicteáir	Achar dromchla iomlán na talún athshlánaithe
An dúlra agus an bhithéagsúlacht	heicteáir	Achar dromchla gnáthóg a fhaigheann tacaíocht d'fhonn stádas caomhnaithe níos fearr a bhaint amach
Taighde, Nuálaíocht		
	coibhéisí lánaimseartha	Líon na dtaighdeoirí nua in eintitis a fhaigheann tacaíocht
	coibhéisí lánaimseartha	Líon na dtaighdeoirí a oibríonn i saoráidí bonneagair don taighde atá feabhsaithe
	fontair	Líon na bhfontar atá ag comhoibriú le hinstitiúidí taighde
	EUR	Infheistíocht phríobháideach lena meaitseáiltear tacaíocht phoiblí do thionscadail nuálaíochta nó T&F
	fontair	Líon na bhfontar a fhaigheann tacaíocht chun táirgí a thabhairt isteach atá nua ar an margadh
	fontair	Líon na bhfontar a fhaigheann tacaíocht chun táirgí a thabhairt isteach atá nua don ghnólacht
Fuinneamh agus Athrú Aeráide		
Athnuaiteáin	MW	Acmhainn bhreise maidir le fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh
Éifeachtúlacht fuinnimh	líonta tí	Líon na líonta tí a bhfuil aicmiú tomhailte fuinnimh feabhsaithe acu
	kWh/bliana	Laghú ar thomhailt fuinnimh phríomha bhliantúil i bhfoirgnimh phoiblí
	úsáideoirí	Líon na n-úsáideoirí breise fuinnimh atá nasctha le heangacha cliste
Laghú ar ghás ceaptha teasa	tonaí de choibhéisí CO ₂	Laghú measta bliantúil ar gháis ceaptha teasa
Bonneagar sóisialta		
Cúram leaná & oideachas	daoine	Acmhainn an bhonneagair cúraim leaná nó oideachais a fhaigheann tacaíocht
Sláinte	daoine	Daonra atá cuimsithe ag seirbhísí sláinte feabhsaithe
Táscarí sonracha maidir leis an bhforbairt uirbeach		
	daoine	Daonra a bhfuil cónaí air i limistéir a bhfuil straitéisí comhtháite forbartha uirbí acu
	méadair chearnacha	Spás oscailte atá cruthaithe nó athshlánaithe agus atá i limistéir uirbeacha

	AONAD	AINM
	méadair chearnacha	Foirgnimh phoiblí nó tráchtála atá tógtha nó athchóirithe i limistéir uirbeacha
	aonaid tithíochta	Tithíocht athchóirithe i limistéir uirbeacha
Margadh an tSaothair agus Oiliúint ⁽¹⁾		
	daoine	Líon na rannpháirtithe i dtionscnaimh trasteorann soghluaisteachta
	daoine	Líon na rannpháirtithe i dtionscnaimh chomhphárteacha áitiúla fostaíochta agus in oiliúint chomhphárteach
	daoine	Líon na rannpháirtithe i dtionscadail a chuireann combhionannas inscne, comhdheiseanna agus cuimsiú sóisialta chun cinn thar theorainneacha
	daoine	Líon na rannpháirtithe i scéimeanna comhphárteacha oideachais agus oiliúna chun tacú le fostaíocht na n-óg, deiseanna oideachais agus ardoideachas agus gairmoideachas thar theorainneacha

⁽¹⁾ Más ábhartha, déanfar an fhaisnéis maidir le rannpháirtithe a mhiondealú de réir a stádais i margadh an tsaohair, sa chaoi go gcuirfear in iúl má tá siad "fostaithe", "dífhostaithe", "dífhostaithe go fadtéarmach", "neamhghníomhach" nó "neamhghníomhach gan a bheith san oideachas nó faoi oiliúint".

Ráiteas Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 6 de Rialachán CFRE, Airteagal 15 de Rialachán ETC agus Airteagal 4 de Rialachán an Chiste Comhtháthaithe

Tugann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle dá n aire an dearbhú ón gCoimisiún chuig reachtas AE go bhfuil na comhtháscairí aschuir do Rialachán CFRE, Rialachán ETC agus Rialachán an Chiste Comhtháthaithe a bheidh le cur san iarscríbhinn a ghabhfaidh le gach rialachán faoi seach, mar thoradh ar an bpróiseas fada ullmhúcháin leis na saineolaithe ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit maidir le meastóireacht, agus i bprionsabal, táthar ag súil go bhfanfaidh siad cobhsaí.

RIALACHÁN (AE) Uimh. 1300/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 17 Nollaig 2013

maidir leis an gCiste Comhtháthaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1084/2006 ón gComhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an dara mír d'Airteagal 177 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiúin ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Sa chéad mhír d'Airteagal 174 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), foráiltear go bhfuil an tAontas lena chuid gníomhaíochtaí a fhorbairt agus a shaothrú ar mhaithe lena chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú. Ba cheart don Chiste Comhtháthaithe a bhunaítear leis an Rialachán seo, dá bhrí sin, rannchuidiú airgeadais a sholáthar do thionscadail i réimse an chomhshaoil agus i réimse na ngréasán tras-Eorpach in earnáil an bhonneagair iompair.
- (2) Le Rialachán (AE) Uimh 1303/ 2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, leagtar amach na forálacha is coiteann do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), do Chiste Sóisialta na hEorpa, don Chiste Comhtháthaithe, don Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus don Chiste Eorpach Muirí agus Iascaigh. Is é atá sa Rialachán sin creat do Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa lena n-áirítear an Ciste Comhtháthaithe. Is gá, dá bhrí sin, cúraimí an Chiste Chomhtháthaithe a

shonrú maidir leis an gcreat sin agus maidir leis an gcuspoir a shanntar don Chiste Comhtháthaithe i CFAE.

- (3) Ba cheart forálacha sonracha maidir leis an gcineál gníomhaíochtaí ar féidir leis an gCiste Comhtháthaithe tacaíocht a thabhairt dóibh, d'fhonn rannchuidiú leis na tosaíochtaí infheistíochta laistigh de na cuspóirí téamacha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, a leagan síos.
- (4) Ba cheart go mbeadh an tAontas in ann, tríd an gCiste Comhtháthaithe, rannchuidiú le gníomhaíochtaí d'fhonn a chuid cuspóirí comhshaoil, i gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hAirteagal 191 CFAE, a shaothrú, eadhon éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite agus, san earnáil iompair lasmuigh de na gréasáin thras-Eorpacha, iompar iarnróid, iompar aibhneacha agus muiriompar, córais iompair idirmhódacha agus a n-idir-inoibritheacht, trácht bóthair, trácht muirí agus aerthrácht a bhainistiú, iompar uirbeach glan agus iompar poiblí.
- (5) Ba cheart a mheabhú i gcás ina mbaineann costais a mheastar a bheith díréireach d'údarais phoiblí Ballstáit le bearta atá bunaithe ar Airteagal 192(1) CFAE agus ina ndéantar tacaíocht airgeadais ón gCiste Comhtháthaithe a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 192(5) CFAE, beidh feidhm mar sin féin ag an bprionsabal íoc mar a thruaillítear.
- (6) Tionscadail de chuid an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair (TEN-T) arna dtacú ag an gCiste Comhtháthaithe, tá siad leis na treoirlínte arna mbunú i Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ achomhlíonadh. Chun iarrachtaí a dhíriú ina leith sin, ba cheart tosaíocht a thabhairt do thionscadail leasa choitinn de réir mar a shainítear iad sa Rialachán sin.
- (7) Maidir le hinfeistíocht chun an laghdú ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa ó na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ a bhaint amach, níor cheart go mbeadh sí incháilithe le haghaidh tacaíochta ón gCiste Comhtháthaithe ós rud é go mbaineann sí tairbhe airgeadais as cur i bhfeidhm na Treorach sin cheana féin. Leis an eisiámh sin, níor cheart go gcuirfí srian ar an deis an Ciste Comhtháthaithe

⁽¹⁾ IO C 191, 29.6.2012, lch. 38.

⁽²⁾ IO C 225, 27.7.2012, lch. 143.

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh arna gcumhdach ag an gComhchreat Straitéiseach agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (Féach leathanach 320 den Iris Oifigiúil seo)

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1)

⁽⁵⁾ Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gáis cheaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

a úsáid chun tacú le gníomhaíochtaí nach liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE fiú más iad na hoibreoírí eacnamaíocha céanna a chuireann na gníomhaíochtaí sin chun feidhme, agus fiú má áirítear iontu gníomhaíochtaí amhail infheistíochtaí don éifeachtúlacht fuinnimh i gcomhghiniúint teasa agus chumhachta agus sna líonraí téimh ceantair, córais chliste chun fuinneamh a dháileadh, a stóráil agus a tharchur agus bearta arb é is aidhm leo an truailliú aeir a laghdú, fiú más é ceann de na tionchair indíreacha a bheidh ag gníomhaíochtaí den sórt sin astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú nó má liostaítear iad sa phlean náisiúnta dá dtagraítear i dTreoir 2003/87/CE.

- (8) Ní féidir le hinfheistíocht i dtithíocht, seachas na cinn a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh nó le húsáid fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn, a bheith incháilithe le haghaidh tacaíochta ón gCiste Comhtháthaithe mar go bhfuil siad lasmuigh de raon feidhme na tacaíochta ón gCiste Comhtháthaithe de réir mar a shainítear in CFAE í.
- (9) Chun forbairt an bhonneagair iompair ar fud an Aontais a luathú, ba cheart don Chiste Comhtháthaithe tacú le tionscadail bhonneagair iompair lena ngabhann breisluch Eorpach dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ do mhéid iomlán EUR 10 000 000 000. Maidir le leithdháileadh na tacaíochta ón gCiste Comhtháthaithe do na tionscadail sin, ba cheart go gcomhlíonfadh sé na rialacha a bhunaítear faoi Airteagal 92(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013. I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013, níor cheart tacaíocht a bheith ar fáil ach amháin do na Ballstáit atá incháilithe le haghaidh cistiúcháin ón gCiste Comhtháthaithe, leis na rátaí cómhaoinithe is infheidhme maidir an gCiste sin.
- (10) Tá sé tábhachtach a áirithiú, agus infheistíocht bhainistíochta riosca á gcur chun cinn, go gcuirtear rioscaí sonracha ar leibhéal réigiúnach, trasteorann agus trasnáisiúnta san áireamh.
- (11) Ba cheart comhlántacht agus sineirgí idir idirghabhálacha a dtacaíonn an Ciste Comhtháthaithe, CFRE, sprioc an chomhair chríocheaigh Eorpaigh agus an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa leo a áirithiú, chun dúbailt iarrachtaí a sheachaint agus chun nasc barmhaith de chineálacha éagsúla bonneagair ar leibhéal áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, agus ar fud an Aontais, a ráthú.
- (12) Chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha an Chiste Comhtháthaithe, agus i gcomhréir le straitéis an

Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, is gá na gníomhaíochtaí atá sonracha don Chiste Comhtháthaithe a leagan amach mar 'thosaíochtaí infheistíochta' laistigh de gach cuspóir téamach a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013. Ba cheart go ndéanfaí cuspóirí mionsonraithe, nach bhfuil eisiach go frithpháirteach, a leagan amach sna tosaíochtaí infheistíochta sin, ar cuspóirí iad lena rannchuideoidh an Ciste Comhtháthaithe. Ba cheart tosaíochtaí infheistíochta den sórt sin a bheith mar bhonn do shainiú na gcuspóirí sonracha laistigh de chlár oibríochtúla ina gcuirtear riachtanais agus sainghnéithe limistéar an chlár san áireamh. Chun an tsolúbthacht a mhéadú agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú trí chur chun feidhme comhpháirteach, ba cheart tosaíochtaí infheistíochta CFRE agus an Chiste Comhtháthaithe faoi na cuspóirí téamacha comhfhreagracha a ailíniú.

- (13) Ba cheart comhthacar de tháscairí aschuir chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn comhiomlánaithe ar leibhéal an Aontais maidir le cur chun feidhme na gclár oibríochtúil a leagan amach in Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Ba cheart go mbeadh na táscairí sin ag comhfhreagairt don tosaíocht infheistíochta agus don chineál gníomhaíochta a dtacaítear leo i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le forálacha ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013. Ba cheart na comhtháscairí aschuir a chomhlánú le táscairí toraidh clár-shonracha agus, i gcás inarb ábhartha, le táscairí aschuir clár-shonracha.
- (14) Chun an Rialachán seo a leasú maidir le gnéithe neamhriachtanacha áirithe, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmilgean chuig an gComisiún i leith an leasaithe ar an liosta de chomhtháscairí aschuir a leagan amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, agus gníomhartha tarmilgthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.
- (15) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialachán seo, eadhon comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a neartú ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, a ghnóthú go leordhóthanach, ach gur féidir, de bharr mhéid na n-éagthromaíochtaí idir leibhéal forbartha na réigiún éagsúil agus chúlmlhaireacht na réigiún is mídheisiúla agus an tsriain atá le hacmhainní airgeadais na mBallstát agus na réigiún, iad a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 680/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 67/2010 (IO L 348, 20.12.2013, lch. 129).

- (16) Ós rud é go ngabhann an Rialachán seo ionad Rialachán (CE) Uimh. 1084/2006 ón gComhairle⁽¹⁾, ba cheart an Rialachán sin a aisghairm. Níor cheart, áfach, go ndéanfadh an Rialachán seo difear do leanúint de chúnamh nó do mhodhnú cúnamh, ar chúnamh é a dhéanann an Coimisiún a fhormheas ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 1084/2006 nó ar bhonn aon reachtaíochta eile a bhfuil feidhm aici maidir leis an gcúnamh sin an 31 Nollaig 2013. Ba cheart go leanfadh an Rialachán sin nó reachtaíocht eile is infheidhme den sórt sin, dá bhrí sin, d'fheidhm a bheith aige nó aici tar éis an 31 Nollaig 2013 maidir leis an gcúnamh sin nó leis na hoibríochtaí lena mbaineann go dtí go dtiocfaidh an cúnamh nó na tionscadail sin chun críche. Maidir le hiarratais ar chúnamh a fháil, arna ndéanamh nó arna bhformheas faoi Rialachán (CE) Uimh. 1084/2006, ba cheart go mbeadh siad fós bailí.
- (17) Ionas go bhféadfar na bearta arna mbeartú a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Bunú an Chiste Chomhtháthaithe agus ábhar

1. Bunaítear leis seo Ciste Comhtháthaithe chun críche comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a neartú ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.
2. Leis an Rialachán seo, bunaítear cúraimí an Chiste Chomhtháthaithe agus raon feidhme a chuid tacaíochta maidir le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post dá dtagraítear in Airteagal 89 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

Airteagal 2

Raon feidhme na tacaíochta ón gCiste Comhtháthaithe

1. Agus cothromaíocht iomchuí á áirithiú aige agus de réir riachtanais shonracha infheistíochta agus bhonneagair gach Ballstáit, tacóidh an Ciste Comhtháthaithe leis an méid seo a leanas:
 - (a) infheistíochtaí sa chomhshaol, lena n-áirítear réimsí a bhaineann le forbairt inbhuanaithe agus fuinneamh ina léirítear tairbhí don chomhshaol;
 - (b) TEN-T, i gcomhréir leis na treoirlínte arna nglacadh le Rialachán (AE) Uimh 1315/2013;
 - (c) cúnamh teicniúil.
2. Ní thacóidh an Ciste Comhtháthaithe leis an méid seo a leanas:
 - (a) díchoimisiúnú nó tógáil cumhachtstáisiún núicléach;

- (b) infheistíochtaí chun an laghdú ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa ó ghníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE a bhaint amach;
- (c) infheistíocht i dtíthíocht mura rud é go mbaineann sí le cur chun cinn éifeachtúlachta fuinnimh nó úsáide fuinnimh in-athnuaite;
- (d) monarú, próiseáil agus margú tobac agus táirgí tobac;
- (e) gnóthais a bhfuil deacracht acu mar a shainmhínítear i rialacha an Aontais a bhaineann le Státchabhair;
- (f) infheistíocht i mbonneagar aerfort mura rud é go mbaineann sí le cosaint an chomhshaoil nó go bhfuil infheistíochtaí ag gabháil léi is gá chun a tionchar diúltach ar an gcomhshaol a mhaolú nó a laghdú.

Airteagal 3

Tacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe do thionscadail bhonneagair iompair faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa

Tacóidh an Ciste Comhtháthaithe le tionscadail bhonneagair iompair lena ngabhann breisluach Eorpach dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh 1316/2013 le haghaidh méid de EUR 10 000 000 000 i gcomhréir le hAirteagal 92(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013;

Airteagal 4

Tosaíochtaí infheistíochta

Tacóidh an Ciste Comhtháthaithe leis na tosaíochtaí infheistíochta seo a leanas laistigh de na cuspóirí téamacha a leagtar amach sa chéad mhír d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, i gcomhréir leis na riachtanais forbartha agus leis an bpoitéinseal fáis dá dtagraítear i bpointe (a)(i) d'Airteagal 15(1) den Rialachán sin agus mar a leagtar amach sa Chomhaontú Comhpháirtíochta:

- (a) tacú leis an aistriú i dtreo geilleagair ísealcharbóin sna hearnálacha uile trí:
 - (i) tháirgeadh agus dáileadh fuinnimh a dhíorthaítear as foinsí in-athnuaite a chur chun cinn;
 - (ii) éifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid fuinnimh in-athnuaite i bhfiontair a chur chun cinn;
 - (iii) thacú le héifeachtúlacht fuinnimh, le bainistiú fuinnimh chliste agus le húsáid fuinnimh in-athnuaite i mbonneagar poiblí, lena n-áirítear i bhfoirgnimh phoiblí, agus san earnáil títhíochta;
 - (iv) chórais dáilte chliste a fheidhmíonn ag leibhéal íosvóltais agus ag leibhéal meánvóltais a fhorbairt agus a chur chun feidhme;

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1084/2006 ón gComhairle an 11 Iúil 2006 lena mbunaítear an Ciste Comhtháthaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1164/94 (IO L 210, 31.7.2006, lch. 79).

- (v) straitéisí ísealcharbóin a chur chun cinn do gach cineál críoch, go háirithe do cheantair uirbeacha, lena n-áirítear soghluaisteacht ilmhódach uirbeach inbhuanaithe a chur chun cinn agus bearta oiriúnaithe a bhaineann le maolú a chur chun cinn freisin;
- (vi) úsáid ardéifeachtúil an chomhghinte teasa agus fuinnimh bunaithe ar éileamh úsáideach teasa a chur chun cinn;
- (b) oiriúnú don athrú aeráide, cosc ar riosca agus bainistíocht riosca a chur chun cinn trí:
- (i) thacú le hinfheistíocht le haghaidh oiriúnaithe don athrú aeráide, lena n-áirítear cineálacha cur chuige atá bunaithe ar éiceachórais;
- (ii) infheistíocht chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sonracha a chur chun cinn, athléimneacht ó thubaistí a áirithiú agus córais bainistithe tubaistí a fhorbairt;
- (c) an comhshaol a chaomhnú agus a chosaint agus éifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn trí:
- (i) infheistiú san earnáil dramhaíola chun ceanglais acquis comhshaoil an Aontais a chomhlíonadh agus chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais, arna sainaitheint ag na Ballstáit, le haghaidh infheistíochta a théann thar na ceanglais sin;
- (ii) infheistiú san earnáil uisce chun ceanglais acquis comhshaoil an Aontais a chomhlíonadh agus chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais, arna sainaitheint ag na Ballstáit, le haghaidh infheistíochta a théann na ceanglais sin;
- (iii) an bhithéagsúlacht agus ithir a chosaint agus a athneartú agus seirbhísí éiceachórais a chur chun cinn, lena n-áirítear trí Natura 2000 agus trí bhonneagar glas;
- (iv) ghníomh a dhéanamh chun feabhas a chur ar an gcomhshaol uirbeach, chun cathracha a athbheochan agus chun láithreáin athfhorbraíochta (lena n-áirítear limistéir atá á dtiontú) a athghiniúint agus a dhí-éilliú, chun truailliú aeir a laghdú agus chun bearta laghdaithe torainn a chur chun cinn.
- (d) iompar inbhuanaithe a chur chun cinn agus scrogaill i bpríomhbhonneagair ghréasáin a bhaint, trí:
- (i) thacú le Limistéar Iompair Eorpach Aonair ilmhódach trí infheistíocht a dhéanamh in TEN-T;
- (ii) chórais iompair neamhdhíobhálach don chomhshaol (lena n-áirítear íseal-torainn) agus íseal-charbóin a fhorbairt agus a fheabhsú lena n-áirítear uiscebhealaí

intíre agus muiriompar, calafoirt, naisc ilmhódacha agus bonneagar aerfoirt, d'fhonn soghluaisteacht réigiúnach agus áitiúil inbhuanaithe a chur chun cinn;

(iii) chórais iarnróid uilechuimsitheacha, ardcháilíochta agus idir-inoibritheacha a fhorbairt agus a athshlánú, agus bearta laghdaithe torainn a chur chun cinn;

(e) feabhas a chur ar acmhainn institiúideach údarás poiblí agus geallsealbhóirí agus riarachán éifeachtúil poiblí trí ghníomhaíochtaí chun acmhainn institiúideach agus éifeachtúlacht ranna riaracháin poiblí agus seirbhísí poiblí a bhaineann le cur chun feidhme an Chiste Chomhtháthaithe a neartú.

Airteagal 5

Táscairí

1. Bainfead úsáid as comhtháscairí aschuir, de réir mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, as táscairí toraidh clár-shonracha agus, i gcás inarb ábhartha, as táscairí aschuir clár-shonracha, i gcomhréir le hAirteagal 27(4) agus le pointe (b)(ii) agus (iv) agus pointe (c)(ii) agus (iv) d'Airteagal 96(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

2. Maidir le comhtháscairí aschuir agus táscairí aschuir clár-shonracha, socrófar na bonnlínte ag nialas. Socrófar spriocluachanna cainníochtaithe carnacha do na táscairí sin le haghaidh 2023.

3. Maidir le táscairí toraidh clár-shonracha, a bhaineann le tosaíochtaí infheistíochta, bainfidh na bonnlínte úsáid as na sonraí is déanaí atá ar fáil agus socrófar spriocanna le haghaidh 2023. Féadfar spriocanna a chur in iúl i dtéarmaí cainníochtúla nó cáilíochtúla.

4. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7 chun an liosta de chomhtháscairí aschuir in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú chun coigeartuithe a dhéanamh, i gcás ina bhfuil údar maith leis sin, chun a áirithiú go ndéanfar measúnú éifeachtach ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme an chláir oibríochtúla.

Airteagal 6

Forálacha idirthréimhseacha

1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do leanúint de chúnamh ná do mhodhnú cúnaimh, lena n-áirítear é a chur ar ceal i bpáirt nó ina iomláine, ar cúnaimh é a dhéanann an Coimisiún a fhorghnó ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 1084/2006 nó ar bhonn aon reachtaíochta eile a bhfuil feidhm aici maidir leis an gcúnaimh sin an 31 Nollaig 2013. Ba cheart go leanfadh an Rialachán sin nó reachtaíocht eile is infheidhme den sórt sin, dá bhrí sin, d'fheidhm a bheith aige nó aici tar éis an 31 Nollaig 2013 maidir leis an gcúnaimh sin nó leis na hoibríochtaí lena mbaineann go dtí go ndúnfar iad. Chun críocha na míre seo cumhdófar le cúnaimh cláir oibríochtúla agus mórhionscadail.

2. Maidir le hiarratais ar chúnamh a fháil arna ndéanamh nó arna bhfhormheas faoi Rialachán (CE) Uimh. 1084/2006, beidh siad fós bailí.

Airteagal 7

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(4) a thabhairt don Choimisiún ón 21 Nollaig 2013 go dtí an 31 Nollaig 2020.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(4) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na gcumhachtaí atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

5. Ní thiochfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an

gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 8

Aisghairm

Gan dochar d'Airteagal 6 den Rialachán seo, déantar leis seo Rialachán (CE) Uimh. 1084/2006 a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

Airteagal 9

Athbhreithniú

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle athbhreithniú ar an Rialachán seo faoin 31 Nollaig 2020 i gcomhréir le hAirteagal 177 CFAE.

Airteagal 10

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 17 Nollaig 2013.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
R. ŠADŽIUS

IARSCRÍBHINN I

COMHTHÁSCAIRÍ ASCHUIR DON CHISTE COMHTHÁTHAITHE

	AONAD	AINM
Comhshaol		
Dramhaíl sholadach	tonnaí/bliana	Acmhainn bhreise athchúrsála dramhaíola
Soláthar uisce	daoine	Daonra breise a gcuirtear soláthar uisce feabhsaithe ar fáil dó
Cóireáil fuíolluisce	coibhéis daonra	Daonra breise a gcuirtear cóireáil fuíolluisce feabhsaithe ar fáil dó
Cosc ar riosca agus bainistíocht riosca	daoine	Daonra a bhaineann tairbhe as bearta um chosaint ar thuilte
	daoine	Daonra a bhaineann tairbhe as bearta maidir le cosaint dóiteáin foraoise
Athshlánú talún	heicteáir	Achar dromchla iomlán na talún athshlánaithe
An Dúlra agus an bhithéagsúlacht	heicteáir	Achar dromchla gnáthóg a fhaigheann tacaíocht d'fhonn stádas caomhnaithe níos fearr a bhaint amach
Fuinneamh agus athrú aeráide		
Athnuaiteáin	MW	Acmhainn bhreise maidir le fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh
Éifeachtúlacht fuinnimh	líonta tí	An líon líonta tí a bhfuil aicmiú tomhailte fuinnimh feabhsaithe acu
	kWh/bliana	Laghdú ar thomhailt fuinnimh phríomhúil bhliantúil i bhfoirgnimh phoiblí
	úsáideoirí	Líon na n-úsáideoirí breise fuinnimh atá nasctha le heangacha cliste
Laghdú ar ghás ceaptha teasa	tonnaí de choibhéisí CO ₂	Laghdú measta bliantúil ar ghás ceaptha teasa
Iompar		
Iarnród	ciliméadair	Fad iomlán na línte iarnróid nua
	ciliméadair	Fad iomlán na línte iarnróid atógtha nó uasghrádaithe
Bóithre	ciliméadair	Fad iomlán na mbóithre nuathógtha
	ciliméadair	Fad iomlán na mbóithre atógtha nó uasghrádaithe
Iompar uirbeach	ciliméadair	Fad iomlán na dtrambhealaí nó na línte meitreo atá nua nó feabhsaithe
Uiscebhealaí intíre	ciliméadair	Fad iomlán na n-uiscebhealaí intíre atá nua nó na n-uiscebhealaí intíre feabhsaithe

IARSCRÍBHINN II

TÁBLA COMHGHAOIL

Rialachán (CE) Uimh. 1084/2006	An Rialachán seo
Airteagal 1	Airteagal 1
Airteagal 2	Airteagal 2
Airteagal 3	—
Airteagal 4	—
—	Airteagal 3
—	Airteagal 4
—	Airteagal 5
Airteagal 5	Airteagal 6
—	Airteagal 7
Airteagal 6	Airteagal 8
Airteagal 7	Airteagal 9
Airteagal 8	Airteagal 10

Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 6 de Rialachán CFRE, Airteagal 15 de Rialachán CCE agus Airteagal 4 de Rialachán an Chiste Chomhtháthaithe

Tugann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle dá n-aire an dearbhú a thug an Coimisiún do reachtas AE maidir leis na comhtháscairí aschuir do Rialachán CFRE, Rialachán CCE agus Rialachán an Chiste Chomhtháthaithe atá le háireamh ar iarscríbhinn a ghabhann le gach rialachán faoi seach, gurb ionann iad agus toradh próisis fhada ullmhúcháin a bhfuil baint ag saineolaithe meastóireachta an Choimisiúin agus na mBallstát araon leis, agus táthar ag súil freisin go bhfanfaidh siad cobhsaí, i bprionsabal.

**RIALACHÁN (AE) Uimh. 1301/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 17 Nollaig 2013**

**mairir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus mairir le forálacha sonracha a bhaineann
le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus lena n-aisghairtear Rialachán
(CE) Uimh. 1080/2006**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 178 agus Airteagal 349 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Foráiltear in Airteagal 176 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go bhfuil ceaptha do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) rannchuidiú leis na príomh-mhíchothromaíochtaí réigiúnacha san Aontas a cheartú. Faoin Airteagal sin agus faoin dara mír agus faoin tríú mír d'Airteagal 174 CFAE, tá CFRE le rannchuidiú chun éagothromaíochtaí idir leibhéal forbartha na réigiún éagsúil a laghdú agus chun cúlmlhairacht na réigiún is mídheisiúla a laghdú, agus as na réigiúin sin tá aird ar leith le tabhairt ar réigiúin a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha acu ar nós na réigiún is faide ó thuaidh a bhfuil dlús fíoriseal daonra iontu agus ar nós na réigiún oileánach, na réigiún trasteorann agus na réigiún sléibhteach.
- (2) Leagtar amach le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ na

forálacha is coiteann do CFRE, do Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE), don Chiste Comhtháthaithe, don Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus do Chiste Eorpach Muirí agus Iascaigh.

- (3) Ba cheart forálacha sonracha mairir leis na cineálacha gníomhaíochtaí a fhéadfaidh tacaíocht a fháil ó CFRE chun rannchuidiú leis na tosaíochtaí infheistíochta laistigh de na cuspóirí téamacha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a leagan síos. Ag an am céanna, ba cheart gníomhaíochtaí lasmuigh de raon feidhme CFRE a shainiú agus a shoiléiriú, lena n-áirítear infheistíocht chun astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú sna gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾. Chun maoiniú iomarcach a sheachaint, níor cheart go mbeadh infheistíocht den sórt sin incháilithe le haghaidh tacaíochta ó CFRE ós rud é go bhfuil tairbhe airgeadais á fáil aici cheana trí chur i bhfeidhm Threoir 2003/87/CE. Leis an eisiáimh sin, níor cheart go gcuirfí srian ar an deis CFRE a úsáid chun tacú le gníomhaíochtaí nach liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE fiú más iad na hoibreoírí eacnamaíochá céanna a chuireann na gníomhaíochtaí sin chun feidhme, agus fiú má áirítear iontu gníomhaíochtaí amhail infheistíochtaí don éifeachtúlacht fuinnimh sna líonraí téimh ceantair, córais chliste chun fuinneamh a dháileadh, a stóráil agus a tharchur agus bearta arb é is aidhm leo an truailliú aer a laghdú, fiú más é ceann de na tionchair indíreacha a bheidh ag gníomhaíochtaí den sórt sin astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú, nó má liostaítear iad sa phlean náisiúnta dá dtagraítear i dTreoir 2003/87/CE.
- (4) Is gá a shonrú cad iad na gníomhaíochtaí breise a bhféadfaidh CFRE tacú leo faoi sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh.
- (5) Ba cheart go rannchuideodh CFRE le straitéis an Aontais mairir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, rud a chinnteodh go ndíreofar tacaíocht CFRE níos mó ar thosaíochtaí an Aontais. Ag brath ar cibé catagóir de réigiúin a fhaigheann tacaíocht, ba cheart tacaíocht CFRE faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post a dhírú ar thaighde agus nuálaíocht, ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC), ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus ar gheilleagar íseal-charbóin a chur chun cinn. Ba cheart an díriú téamach sin a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta

⁽¹⁾ IO C 191, 29.6.2012, lch. 44.

⁽²⁾ IO C 225, 27.7.2012, lch. 114.

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna mairir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta mairir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (Féach leathanach 320 den Iris Oifigiúil seo).

⁽⁴⁾ Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháiltais i gcomhair astaíochtaí gáis cheaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

ach ba cheart solúbthacht a cheadú ar leibhéal na glár oibríochtaí agus idir catagóirí éagsúla réigiún. Ba cheart an díriú téamach é a choigeartú, i gcás inarb iomchuí, chun na hacmhainní den Chiste Comhtháthaithe a leithdháiltear chun tacú leis na tosaíochtaí infheistíochta a bhaineann leis an aistriú i dtreo geilleagair ísealcharbóin agus dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1300/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ a chur san áireamh. Maidir le méid an dírithe théamaigh, ba cheart a chur san áireamh a mhéid is atá an réigiún forbartha, an méid a rannchuidítear ó acmhainní an Chiste Comhtháthaithe i gcás inarb infheidhme, chomh maith le riachtanais shonracha réigiún a raibh OTI per capita arna úsáid mar chritéir incháilitheachta acu do chlárthréimhse 2007-2013 a bhí faoi bhun 75 % de mheán-OTI AE-25 don tréimhse thagartha, le réigiúin atá ainmnithe le stádas céimnithe amach i gclárthréimhse 2007-2013 agus le réigiúin áirithe leibhéal NUTS 2 nach bhfuil ach Ballstáit oileánacha nó oileáin iontu.

- (6) Ba cheart go bhféadfaí tacaíocht ó CFRE faoin tosaíocht infheistíochta 'forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail' a rannchuidiú leis na cuspóirí téamacha uile dá dtagraítear sa Rialachán seo.
- (7) Chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha CFRE, agus i gcomhréir le straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, is gá na gníomhaíochtaí a bhaineann go sonrach le CFRE a leagan amach laistigh de gach cuspóir téamach a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 mar 'thosaíochtaí infheistíochta'. Ba cheart go leagfaí amach leis na tosaíochtaí infheistíochta sin cuspóirí mionsonraithe, nach mbeidh eisiach ar bhonn frithpháirteach, a rannchuideoidh CFRE leo. Ba cheart tosaíochtaí infheistíochta den sórt sin a bheith mar bhonn do shainiú na cuspóirí sonracha laistigh de chlár ina gcuirtear riachtanais agus gnéithe réimse an chlár san áireamh.
- (8) Is gá nuálaíocht agus forbairt FBManna a chur chun cinn i réimsí atá ag teacht chun cinn atá nasctha le dúshlán Eorpacha agus réigiúnacha cosúil le tionscadaíl chruthaitheacha agus chultúrtha agus seirbhísí nuálacha, a léiríonn éilimh nua shochaíocha, nó le táirgí agus seirbhísí atá nasctha le daonra atá ag dul in aois, cúram agus sláinte, éiceanuálaíocht, an geilleagar ísealcharbóin agus éifeachtúlacht acmhainní.
- (9) I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, chun an breisluach is fearr a fháil ó infheistíochtaí a chistítear go hiomlán nó go páirteach trí bhuiséad an Aontais i réimse an taighde agus na nuálaíochta, lorgófar sineirgí go háirithe idir oibriú CFRE agus Fís 2020 - an Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht agus a gcuspóirí sonracha á n-urramú.

- (10) Is tábhachtach a áirithiú, agus infheistíochtaí bainistíochta riosca á gcur chun cinn, go gcuirfead rioscaí sonracha ar leibhéal réigiúnach, trasteorann agus trasnáisiúnta san áireamh.
- (11) Chun an rannchuidiú is fearr agus is féidir a thabhairt don chuspóir maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhás a chruthaíonn fostaíocht, ba cheart go mbeadh gníomhaíochtaí a thacaíonn le turasóireacht inbhuanaithe, cultúr agus an oidhreacht nádúrtha mar chuid de straitéis chríochach i limistéir áirithe lena n-áirítear comhshó réigiún ina bhfuil meath tionsclaíoch ag tarlú. Ba cheart go rannchuideodh tacaíocht do ghníomhaíochtaí den sórt sin, le neartú a dhéanamh ar an nuálaíocht agus ar úsáid TFC, ar FBManna, ar an gcomhshaoil agus ar an éifeachtúlacht acmhainní nó leis an gcuimsiú sóisialta a chur chun cinn.
- (12) Chun soghluaisteacht inbhuanaithe réigiúnach nó áitiúil a chur chun cinn nó chun truailliú aer agus torainn a laghdú, is gá modhanna iompair sláintiúla, inbhuanaithe agus sábháilte a chur chun cinn. Trí infheistíochtaí i mbonneagar aerfoirt a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ba cheart go gcuirfí aeriompar atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de chun cinn, inter alia, nuair a bhíonn soghluaisteacht réigiúnach á feabhsú trí nóid thánaisteacha agus threasacha a nascadh le gréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T), lena n-áirítear trí nóid ilmhódacha.
- (13) Chun baint amach na spriocanna fuinnimh agus aeráide arna leagan amach ag an Aontas mar chuid de straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a chur chun cinn, ba cheart do CFRE tacú le hinfeistíocht chun éifeachtúlacht fuinnimh agus cinnteacht soláthair a chur chun cinn sna Ballstáit, inter alia, trí chórais chliste a fhorbairt chun fuinneamh a dháileadh, a stóráil agus a tharchur, lena n-áirítear trí ghiniúint dháilte ó fhoinsí in-athnuaite a chomhtháthú. Chun a riachtanais chinnteachta soláthair a chomhlíonadh ar bhealach atá i gcomhréir lena spriocanna faoi straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann infheistiú i mbonneagair fuinnimh atá i gcomhréir lena meascán fuinnimh roghnaithe.
- (14) Ba cheart go dtuigfí go gcumhdaíonn FBManna, a bhféadfadh fiontair gheilleagair shóisialta a bheith ar áireamh leo, i gcomhréir leis an sainmhíniú a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide de réir bhrí Mholadh 2003/361/EC ón gCoimisiún ⁽²⁾.
- (15) Chun cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus chun bochtaineacht a chomhrac, i measc pobal imeallaithe go háirithe, is gá rochtain ar sheirbhísí sóisialta,

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh 1300/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Comhtháthaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1084/2006 (Féach leathanach 281 den Iris Oifigiúil seo).

⁽²⁾ Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le sainmhíniú ar mhicrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

cultúrtha agus áineasa a fheabhsú trí bhonneagar ar scála beag a sholáthar, ag cur riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas agus scothaosta san áireamh.

- (16) Ba cheart go gcumhdófaí le seirbhísí bunaithe sa phobal gach cineál seirbhíse baile, teaghligh agus cónaithe, mar aon le gach cineál seirbhíse pobail eile, a thacaíonn le ceart gach duine chun cónaí sa phobal le comhionannas roghanna, agus a fhéachann le haonrú nó le hidird-heighilt ón bpobal a chosc.
- (17) Chun an tsolúbthacht a mhéadú agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú trí chur chun feidhme comhpháirteach, ba cheart tosaíochtaí infheistíochta CFRE agus an Chiste Comhtháthaithe faoi na cuspóirí téamacha comhfhreagracha a ailíniú.
- (18) Ba cheart comhthacar de tháscairí aschuir a leagan amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo chun an dul chun cinn comhiomlánaithe ar leibhéal an Aontais maidir le cur chun feidhme na gclár a mheasúnú. Ba cheart go mbeadh na táscairí sin ag comhfhreagairt don tosaíocht infheistíochta agus don chineál gníomhaíochta a dtacaítear leo i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le forálacha ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013. Ba cheart na comhtháscairí aschuir a comhlánú le táscairí toraidh clár-shonracha agus, i gcás inarb iomchuí, táscairí aschuir clár-shonracha.
- (19) Meastar gur gá tacú le gníomhaíochtaí comhtháite faoi chuimsiú na forbartha inbhuanaithe uirbí chun dul i ngleic leis na dúshláin eacnamaíocha, chomhshaoil, aeráide, dhéimeagrafacha agus shóisialta a dhéanann difear do limistéir uirbeacha, lena n-áirítear limistéir uirbeacha feidhme, agus an gá chun naisc uirbeacha-thuaithe a chur chun cinn á chur san áireamh. Ba cheart na prionsabail chun na limistéir uirbeacha ina mbeidh gníomhaíochtaí comhtháthaithe le haghaidh forbartha inbhuanaithe uirbí le cur chun feidhme a roghnú, agus na méideanna tascacha do na gníomhaíochtaí sin, a leagan amach sa Chomhaontú Comhpháirtíochta agus 5 % ar a laghad d'acmhainní CFRE a leithdháileadh ar an leibhéal náisiúnta chun na críche sin. Ba cheart don údarás bainistíochta raon feidhme aon tarmiligin tascanna chuig údarás uirbeacha a chinneadh i gcomhairle leis an údarás uirbeach.
- (20) Chun réitigh nua a thugann aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le forbairt inbhuanaithe uirbeach agus atá ábhartha ar leibhéal an Aontais a shainathint nó a thástáil, ba cheart do CFRE tacú le gníomhaíochtaí nuálacha i réimse na forbartha inbhuanaithe uirbí.
- (21) Chun forbairt acmhainní, líonrú agus malartú taithí a threisiú idir cláir agus comhlachtaí atá freagrach as straitéisí forbartha inbhuanaithe uirbí agus gníomhaíochtaí nuálacha a chur chun feidhme i réimse

na forbartha inbhuanaithe uirbí agus chun cláir agus comhlachtaí atá ann cheana a chomhlánú, is gá líonra maidir le forbairt uirbeach a bhunú ar leibhéal an Aontais.

- (22) Ba cheart do CFRE aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhaineann le hinrochtaineacht ar mhargaí móra atá ag limistéir a bhfuil dlús fíoriseal daonra iontu agus a fhad is atá siad ó na margáí sin, dá dtagraítear i bPrótacal Uimh. 6 maidir le forálacha speisialta do Chuspóir 6 faoi chuimsiú na gCistí Struchtúracha san Fhionlainn agus sa tSualainn a ghabhann le hIonstraim Aontachais 1994. Ba cheart do CFRE aghaidh a thabhairt freisin ar na deacrachtaí sonracha a bhíonn ag oileáin áirithe, ag réigiúin teorann, ag réigiúin shléibhteacha agus ag limistéir inar tearc an daonra a gcuireann a suíomh geografach moill ar a bhforbairt, d'fhonn tacú lena bhforbairt inbhuanaithe.
- (23) Ba cheart aird shonrach a thabhairt ar na réigiúin is forimeallaí, eadhon trí bhearta a ghlacadh faoi Airteagal 349 CFAE lena leathnófar, ar bhonn eisceachtúil, raon feidhme na tacaíochta ó CFRE maidir le maoiniú cabhrach oibriúcháin atá nasctha le fritháireamh na gcostas breise a eascraíonn as staid shonrach eacnamaíoch agus shóisialta na réigiún sin, staid is measa fós mar gheall ar na baic a eascraíonn as na tosca dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE, eadhon iargúlacht, oileánachas, beagmhéid, topagrafaíocht agus aeráid achrannach, agus spleáchas eacnamaíoch ar bheagán táirgí, a ndéanann a mbuaine agus comhcheangal díobh mórdhochar dá bhforbairt. Maidir le cabhair oibriúcháin arna deonú ag na Ballstáit sa chomhthéacs sin, tá sí díolmhaithe ón oibleagáid fógra a thabhairt a leagtar síos in Airteagal 108(3) CFAE, más rud é, tráth a deonaithe, go gcomhlíonfar léi na coinníollacha a leagtar síos le Rialachán ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach ar comhréir leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagal 107 agus Airteagal 108 CFAE agus arna ghlacadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 994/98 ón gComhairle ⁽¹⁾.
- (24) I gcomhréir le pointe 51 de chonclúidí na Comhairle Eorpaí an 7-8 Feabhra 2013, agus ag cur na guspóirí speisialta a leagtar síos in CFAE san áireamh maidir leis na réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE, athraíodh stádas Mayotte mar thoradh Chinneadh 2012/419/AE ón gComhairle Eorpach ⁽²⁾ le go mbeadh sí ina réigiún nua is forimeallaí ón 1 Eanáir 2014. Chun forbairt fócasaithe agus ghasa bonneagair Mayotte a éascú agus a chur chun cinn, ba cheart go bhféadfaí ar bhonn eisceachtúil 50 % ar a laghad de chuid CFRE de chlúdach Mayotte a leithdháileadh ar chúig chinn de na cuspóirí téamacha a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 994/98 ón gComhairle an 7 Bealtaine 1998 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 92 agus Airteagal 93 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh i leith catagóirí áirithe Státchabhrach cothromaí (IO L 142, 14.5.1998, lch. 1).

⁽²⁾ Cinneadh 2012/419/AE ón gComhairle Eorpach an 11 Iúil 2012 lena leasaítear stádas Mayotte i leith an Aontais Eorpaigh (IO L 204, 31.7.2012, lch. 131).

- (25) Chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le gnéithe neamhriachtanacha áirithe, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean don Choimisiún i ndáil le rialacha mionsonraithe maidir leis na critéir chun gníomhaíochtaí nuálacha a roghnú agus a bhainistiú. Ba cheart freisin cumhacht den sórt sin a tharmligean don Choimisiún i ndáil le leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo i gcás ina bhfuil bonn cirt leo chun measúnú éifeachtach ar an dul chun cinn a áirithiú i gcur chun feidhme clár oibríochtaí. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Le linn don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, ba cheart dó a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.
- (26) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit, cuspóir an Rialacháin seo, eadhon comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú trí na príomh-mhíchothromaíochtaí san Aontas a cheartú a ghnóthú go leordhóthanach, ach gur féidir, de bharr mhéid na n-éagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha na réigiún éagsúil agus ar chúlmhaireacht na réigiún is mídheisiúla agus ar an srian atá le hacmhainní airgeadais na mBallstát agus na réigiún, iad a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach é. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (27) Gabhann an Rialachán seo ionad Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾. Ar mhaithe le soiléire, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 a aisghairm dá bhrí sin. Níor cheart, áfach, go ndéanadh an Rialachán seo difear do leanúint de chúnamh nó do mhodhnú cúnaimh, ar cúnaimh é a dhéanann an Coimisiún a fhormheas ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 nó ar bhonn aon reachtaíochta eile a bhfuil feidhm aici maidir leis an gcúnamh sin an 31 Nollaig 2013. Ba cheart go leanfadh an Rialachán sin nó reachtaíocht ábhartha eile den sórt sin d'fheidhm a bheith acu tar éis 31 Nollaig 2013, dá dhroim sin maidir leis an gcúnamh sin nó na hoibríochtaí lena mbaineann ina dhiaidh sin go dtí go ndúnfar iad. Ba cheart go leanfadh iarratais ar chúnamh a fháil, ar iarratais iad a rinneadh nó a formheasadh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006, de bheith bailí.
- (28) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur chun feidhme go pras, ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

Forálacha coiteanna

Airteagal 1

Ábhar

Bunaítear leis an Rialachán seo cúraimí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), raon feidhme a thacaíochta maidir le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus an chomhair chríochoigh Eorpaigh agus forálacha sonracha maidir le tacaíocht CFRE do sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post.

Airteagal 2

Cúraimí CFRE

Rannchuideoidh CFRE le maoiniú tacaíochta a bhfuil sé d'aidhm aici comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a atreisiú trí na príomh-mhíchothromaíochtaí réigiúnacha san Aontas a chur ina gceart trí thacú le forbairt inbhuanaithe agus coigeartú struchtúrach geilleagar réigiúnach, lena n-áirítear comhshó réigiún ina bhfuil meath tionsclaíoch ag tarlú agus réigiún ina bhfuil a bhforbairt ag titim ar chúil.

Airteagal 3

Raon feidhme na tacaíochta ó CFRE

1. Tacóidh CFRE leis na gníomhaíochtaí seo a leanas chun rannchuidiú leis na tosaíochtaí infheistíochta a leagtar amach in Airteagal 5:

- (a) infheistíocht tháirgiúil a rannchuidíonn le cruthú agus cosaint post inbhuanaithe, trí chabhair dhíreach d'infheistíocht in FBManna;
- (b) infheistíocht tháirgiúil, gan beann ar mhéid an fhiontair lena mbaineann, a rannchuidíonn leis na tosaíochtaí infheistíochta a leagtar amach i bpointe (1) agus i bpointe (4) d'Airteagal 5, agus, i gcás ina bhfuil comhar idir fiontair mhóra agus FBManna i gceist leis an infheistíocht sin, i bpointe (2) Airteagal 5;
- (c) infheistíocht i mbonneagar a chuireann seirbhísí bunúsacha ar fáil do shaoránaigh i réimsí an fhuinnimh, an chomhshaoil, an iompair agus TFC;
- (d) infheistíocht i mbonneagar sóisialta, sláinte, taighde, nuálaíochta, gnó agus oideachais;
- (e) infheistíocht i bhforbairt na hacmhainneachta inginiúla trí infheistíocht sheasta i mbonneagar trealaimh agus i mbonneagar ar scála beag, lena n-áirítear bonneagar cultúrtha agus tuarasóireachta inbhuanaithe ar scála beag, seirbhísí d'fhiontair, tacaíocht do chomhlachtaí taighde agus nuálaíochta agus infheistíocht i dteicneolaíocht agus i dtaighde feidhmeach i bhfiontair;

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1783/1999 (IO L 210, 31.7.2006, lch. 1).

(f) líonrú, comhoibriú agus malartú taithí idir údarais inniúla réigiúnacha, áitiúla, uirbeacha agus údarais phoiblí eile, comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta, agus comhlachtaí ábhartha a dhéanann ionadaíocht thar ceann na sochaí sibhialta, mar a thagraítear di in Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, staidéir, gníomhaíochtaí ullmhúcháin agus forbairt acmhainní.

2. Faoi sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh, féadfaidh CFRE tacú freisin le saoráidí agus le hacmhainní daonna agus gach cineál bonneagar a roinnt thar theorainneacha i ngach réigiún.

3. Ní thacóidh CFRE leis an méid seo a leanas:

- (a) díchoimisiúnú nó tógáil cumhachtstáisiún núicléach;
- (b) infheistíochtaí chun an laghdú ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa a bhaint amach sna gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE;
- (c) monarú, próiseáil agus margú tobac agus táirgí tobac;
- (d) gnóthais a bhfuil deacracht acu mar a shainmhínítear i rialacha an Aontais a bhaineann le Státchabhair;
- (e) infheistíocht i mbonneagar aerfoirt mura rud é go bhfuil baint aige sin le cosaint an chomhshaoil nó mura rud é go bhfuil infheistíocht ag gabháil leis sin is gá chun an tionchar diúltach a bheidh aige sin ar an gcomhshaoil a mhaolú nó a laghdú.

Airteagal 4

Dírú téamach

1. Díreofar na cuspóirí téamacha a leagtar amach sa chéad mhír d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus na tosaíochtaí infheistíochta comhfhreagracha a leagtar amach in Airteagal 5 den Rialachán seo lena bhféadfaidh CFRE rannchuidiú faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post, mar seo a leanas:

(a) i réigiúin níos forbartha:

- (i) leithdháilfear 80 % ar a laghad d'acmhainní iomlána CFRE ar an leibhéal náisiúnta ar dhá cheann nó níos mó de na cuspóirí téamacha a leagtar amach i bpointí 1, 2, 3 agus 4 den chéad mhír d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013; agus
- (ii) leithdháilfear 20 % ar a laghad d'acmhainní iomlána CFRE ar an leibhéal náisiúnta ar an gcuspóir téamach a leagtar amach i bpointe 4 den chéad mhír d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013;

(b) i réigiúin trasdula:

- (i) leithdháilfear 60 % ar a laghad d'acmhainní iomlána CFRE ar an leibhéal náisiúnta ar dhá cheann nó níos mó de na cuspóirí téamacha a leagtar amach i bpointí 1, 2, 3 agus 4 den chéad mhír d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013; agus

(ii) leithdháilfear 15 % ar a laghad d'acmhainní iomlána CFRE ar an leibhéal náisiúnta ar an gcuspóir téamach a leagtar amach i bpointe 4 den chéad mhír d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013;

(c) i réigiúin lagfhorbartha:

- (i) leithdháilfear 50 % ar a laghad d'acmhainní iomlána CFRE ar an leibhéal náisiúnta ar dhá cheann nó níos mó de na cuspóirí téamacha a leagtar amach i bpointí 1, 2, 3 agus 4 den chéad mhír d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013; agus
- (ii) leithdháilfear 12 % ar a laghad d'acmhainní iomlána CFRE ar an leibhéal náisiúnta ar an gcuspóir téamach a leagtar amach i bpointe 4 den chéad mhír d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

Chun críche an Airteagail seo, maidir leis na réigiúin sin a raibh OTI per capita acu arna úsáid mar chritéar incháilitheachta do chlárthréimhse 2007-2013 a bhí faoi bhun 75 % de mheán-OTI AE-25 don tréimhse thagartha, agus na réigiúin atá ainmnithe leis an stádas céimnithe amach i gclárthréimhse 2007-2013 ach atá incháilithe faoi chatagóir na réigiúin atá níos forbartha dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 90(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 i gclárthréimhse 2014-2020, measfar gur réigiúin trasdula iad.

Chun críche an Airteagail seo, maidir le gach réigiún leibhéal NUTS 2 arb é amháin atá iontu Ballstáit oileánacha nó oileáin atá mar chuid de Bhallstáit a fhaigheann tacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe, agus na réigiúin uile is forimeallaí, measfar gur réigiúin lagfhorbartha iad.

2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh an sciar íosta CFRE a leithdháiltear ar chatagóir réigiúin a bheith níos ísle ná an méid a leagtar amach sa mhír sin, ar choinníoll go ndéantar an laghdú a chúiteamh le méadú sa sciar a leithdháiltear ar chatagóirí eile réigiúin. Mar sin, ní bheidh an tsum deiridh ar an leibhéal náisiúnta de na méideanna le haghaidh gach catagóire réigiúin faoi seach i dtaca leis na cuspóirí téamacha a leagtar amach i bpointí 1, 2, 3 agus 4 den chéad mhír d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1300/2013 agus na cuspóirí téamacha a leagtar amach i bpointe 4 den chéad mhír d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 níos lú dá réir sin ná an tsum ar an leibhéal náisiúnta mar thoradh ar sciartha íosta CFRE a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm.

3. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, féadfar acmhainní faoin gCiste Comhtháthaithe a leithdháiltear chun tacú leis na tosaíochtaí infheistíochta a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1300/2013 a ríomh le haghaidh na sciartha íosta a leagtar amach i bpointí (a)(ii), (b)(ii) agus (c)(ii) den chéad fhomhír de mhír 1 den Airteagal seo a bhaint amach. I gcás den sórt sin, méadófar an sciar dá dtagraítear i bpointe (c)(ii) den chéad fhomhír de mhír 1 den Airteagal seo go dtí 15 %. I gcás inarb infheidhme, leithdháilfear na hacmhainní sin, ar bhonn pro rata, ar na catagóirí éagsúla réigiúin bunaithe ar an sciar ábhartha atá iontu de dhaonra iomlán an Bhallstáit lena mbaineann.

Airteagal 5

Tosaíochtaí infheistíochta

Tacóidh CFRE leis na tosaíochtaí infheistíochta seo a leanas laistigh de na cuspóirí téamacha a leagtar amach sa chéad mhír d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 i gcomhréir leis na riachtanais forbartha agus leis an bpoitéinseal fáis dá dtagraítear i bpointe (a)(i) d'Airteagal 15(1) den Rialachán sin agus a leagtar amach sa Chomhaontú Comhpháirtíochta:

- (1) taighde, forbairt theicneolaíoch agus nuálaíocht a neartú trí:
 - (a) fheabhas a chur ar bhonneagar taighde agus nuálaíochta (T&N) agus ar acmhainní chun barr feabhais T&N a fhorbairt agus ionaid inniúlachta a chur chun cinn, go háirithe iad siúd a bhfuil leas Eorpach ag baint leo;
 - (b) infheistíocht ghnó a chur chun cinn in T&N, agus naisc agus sineirgí a fhorbairt idir fiontair, ionaid taighde agus forbartha agus earnáil an ardoideachais, go háirithe infheistíocht i bhforbairt táirgí agus seirbhísí, aistriú teicneolaíochta, nuálaíocht shóisialta, éiceanuálaíocht, feidhmchláir don tseirbhís phoiblí, cothú éilimh, líonrú, braislí agus nuálaíocht oscailte trí speisialtóireacht chliste a chur ar aghaidh agus tacú le taighde teicneolaíochta agus feidhmeach, línte píolótacha, gníomhaíochtaí luathbhailíochtaíthe táirge, ardchumas monaraíochta agus céadtáirgeadh, go háirithe in eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin agus scaipeadh teicneolaíochtaí ilfheidhmeacha;
- (2) úsáid agus cáilíocht TFC agus rochtain orthu a fheabhsú trí:
 - (a) úsáid leathanbanda agus feidhmiú céimneach líonraí ardluais a leathnú agus tacú le glacadh teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus líonraí don gheilleagar digiteach;
 - (b) sheirbhísí agus táirgí TFC agus ríomhthráchtáil a fhorbairt agus éileamh ar TFC a fheabhsú;
 - (c) fheidhmchláir TFC le haghaidh ríomhsheirbhísí rialtais, ríomhfhoghlaim, ríomhchuisiú, ríomhchultúr agus ríomhshláinte a neartú;
- (3) iomaíochas FBManna a fheabhsú trí:
 - (a) fhiontraíocht a chur chun cinn, go háirithe trí shaothrú eacnamaíoch smaointe nua a éascú agus cruthú gnólachtaí nua a chothú, lena n-áirítear trí ghorlanna gnó;
 - (b) shamhlacha nua gnó a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do FBManna, go háirithe maidir leis an idirnáisiúnú;
- (c) thacú le cruthú agus leathnú acmhainní ardfhorbartha d'fhorbairt táirgí agus seirbhísí;
- (d) thacú le hacmhainn FBManna fás a dhéanamh i margai réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus páirt a ghlacadh i bpróisis nuálaíochta;
- (4) tacú leis an aistriú i dtreo geilleagair ísealcharbóin sna hearnálacha uile trí:
 - (a) tháirgeadh agus dáileadh fuinnimh a fhaightear ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn;
 - (b) éifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid fuinnimh inathnuaite a chur chun cinn i bhfiontair;
 - (c) thacú le héifeachtúlacht fuinnimh, bainistiú cliste fuinnimh agus úsáid fuinnimh inathnuaite i mbonneagair phoiblí, lena n-áirítear i bhfoirgnimh phoiblí, agus san earnáil tithíochta;
 - (d) chórais dáilte chliste a oibríonn ar leibhéal ísealvoltais agus meánvoltais a fhorbairt agus a chur chun feidhme;
 - (e) straitéisí ísealcharbóin do gach cineál críoch, go háirithe ceantair uirbeacha, lena n-áirítear soghluaisteacht ilmhódach inbhuanaithe uirbeach, a chur chun cinn agus bearta oiriúnaithe ábhartha um maolú a chur chun cinn freisin;
 - (f) thaighde agus nuálaíocht i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin agus glacadh na dteicneolaíochtaí sin a chur chun cinn;
 - (g) úsáid ardéifeachtúil teasa agus fuinnimh comhghinte a chur chun cinn bunaithe ar éileamh úsáideach teasa;
- (5) oiriúnú don athrú aeráide, cosc ar riosca agus bainistíocht riosca a chur chun cinn trí:
 - (a) thacú le hinfeistíocht le haghaidh oiriúnú don athrú aeráide, lena n-áirítear cineálacha cur chuige bunaithe ar éiceachórais;
 - (b) infheistíocht a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sonracha, athléimneacht ó thubaistí a áirithiú agus córais bhainistithe tubaistí a fhorbairt;
- (6) an comhshaol a chaomhnú agus a chosaint agus éifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn trí:

- (a) infheistiú san earnáil dramhaíola chun ceanglais acquis comhshaoil an Aontais a chomhlíonadh agus chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais, arna sainaitheint ag na Ballstáit, maidir le hinfeistiúocht a théann níos faide ná na ceanglais sin;
- (b) infheistiú san earnáil uisce chun ceanglais acquis comhshaoil an Aontais a chomhlíonadh agus chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais, arna sainaitheint ag na Ballstáit, maidir le hinfeistiúocht a théann níos faide ná na ceanglais sin;
- (c) oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha a chaomhnú, a chosaint, a chur chun cinn agus a fhorbairt;
- (d) bhithéagsúlacht agus ithir a chosaint agus a athneartú agus seirbhísí éiceachórais a chur chun cinn, lena n-áirítear trí Natura 2000 agus bonneagair ghlasa;
- (e) ghníomhú chun an comhshaoil uirbeach a fheabhsú, chun cathracha a athbheochan, chun láithreán athfhorbraíochta (lena n-áirítear limistéir atá á dtiontú) a athghiniúint agus a dhí-éiliú, chun truailliú aeir a laghdú agus chun bearta laghdaithe torainn a chur chun cinn;
- (f) theicneolaíochtaí nuálacha a chur chun cinn chun cosaint an chomhshaoil agus éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú san earnáil dramhaíola, san earnáil uisce, agus maidir le hithir, nó chun truailliú aeir a laghdú;
- (g) thacú le trasdul tionsclaíoch i dtreo geilleagair atá tíosach ar acmhainní, fás glas, éiceanuálaíocht agus bainistíocht feidhmíochta comhshaoil a chur chun cinn san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach;
- (7) iompar inbhuanaithe a chur chun cinn agus scrogaill i bpríomhbbonneagair ghréasáin a bhaint, trí:
- (a) thacú le Limistéar Iompair Eorpach Aonair ilmhódach trí infheistiúocht a dhéanamh in TEN-T;
- (b) shoghluaisteacht réigiúnach a fheabhsú trí nóid thánaisteacha agus threasacha a nascadh le bonneagair TEN-T, lena n-áirítear nóid ilmhódacha;
- (c) chórais iompair ísealcharbóin atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil (lena n-áirítear ar thorann íseal) a fhorbairt agus a fheabhsú, lena n-áirítear uiscebhealaí intíre agus iompar muirí, calafoirt, naisc ilmhódacha agus bonneagair aerfoirt, chun soghluaisteacht inbhuanaithe réigiúnach agus áitiúil a chur chun cinn;
- (d) chórais iarnróid uilechuimsitheacha, ardcháilíochta agus idir-inoibritheacha a fhorbairt agus a athshlánú, agus bearta laghdaithe torainn a chur chun cinn;
- (e) éifeachtúlacht fuinnimh agus cinnteacht soláthair a fheabhsú trí chórais chliste a fhorbairt chun fuinneamh a dháileadh, a stóráil agus a tharchur agus trí ghiniúint dháilte ó fhoinsí in-athnuaite a chomhtháthú;
- (8) fostaíocht inbhuanaithe agus ar ardcháilíocht a chur chun cinn agus tacú le soghluaisteacht lucht saothair trí:
- (a) thacú le gorlanna gnó a fhorbairt agus tacaíocht infheistiúochta a thabhairt d'fhéinhostaíocht, do mhicrifhiontair agus do chruthú gnó;
- (b) thacú le fás a spreagann fostaíocht tríd an acmhainneacht inginiúil a fhorbairt mar chuid de straitéis chríochach do réigiúin shonracha, lena n-áirítear comhshó réigiún ina bhfuil meath tionsclaíoch ag tarlú agus rochtain ar acmhainní cultúrtha agus nádúrtha sonracha a fhorbairt agus a fheabhsú;
- (c) thacú le tionscnaimh forbartha áitiúla agus cabhair do struchtúir a chuireann seirbhísí comharsanachta ar fáil chun poist nua a chruthú, i gcás ina bhfuil gníomhaíochtaí den sórt sin taobh amuigh de raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾;
- (d) infheistiú i mbonneagair do sheirbhísí fostaíochta;
- (9) cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, an bhochtaineacht agus aon idirdhealú a chomhrac trí:
- (a) infheistiú i mbonneagair sláinte agus sóisialta a rannchuidíonn le forbairt náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, sa chaoi sin ag laghdú éagothroime i dtéarmaí stádas sláinte, ag cur cuimsithe shóisialta chun cinn trí rochtain fheabhsaithe ar sheirbhísí sóisialta, cultúrtha agus áineasa agus leis an trasdul ó sheirbhísí institiúide go seirbhísí bunaithe sa phobal;
- (b) thacaíocht d'athghiniúint fhisiciúil, eacnamaíoch agus shóisialta pobal díothach a sholáthar i limistéir uirbeacha agus tuaithe;
- (c) thacaíocht d'fhiontair shóisialta a sholáthar;
- (d) infheistiúochtaí a dhéanamh i gcomhthéacs straitéisí forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail;
- (10) infheistiú in oideachas, in oiliúint agus i ngairmoiliúint chun scileanna a fhoghlaim agus i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil trí bhonneagair oideachais agus oiliúna a fhorbairt;

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 ón gComhairle (Féach leathanach 470 den Iris Oifigiúil seo).

(11) feabhas a chur ar acmhainn institiúideach údarás poiblí agus geallsealbhóirí agus riarachán éifeachtúil poiblí trí gníomhaíochtaí chun acmhainn institiúideach agus éifeachtúlacht ranna riaracháin phoiblí agus seirbhísí poiblí a bhaineann le cur chun feidhme CFRE a neartú, agus trí thacú le gníomhaíochtaí faoi CSE chun acmhainn institiúideach agus le héifeachtúlacht na ranna riaracháin phoiblí a neartú.

Airteagal 6

Táscairí maidir le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post

1. Bainfear úsáid as comhtháscairí aschuir de réir mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, as táscairí toraidh clár-shonracha agus, i gcás inarb ábhartha, as táscairí aschuir clár-shonracha i gcomhréir le hAirteagal 27(4) agus pointe (b)(ii) agus (iv) agus pointe (c)(ii) agus (iv) d'Airteagal 96(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

2. Maidir le comhtháscairí agus táscairí aschuir clár-shonracha, socrófar na bonnlínte ag nialas. Socrófar spriocluachanna cainníochtaithe carnacha le haghaidh na dtáscairí sin do 2023.

3. Maidir le táscairí toraidh clár-shonracha, a bhaineann le tosaíochtaí infheistíochta, bainfidh na bonnlínte úsáid as na sonraí is déanaí atá ar fáil agus socrófar spriocanna do 2023. Féadfar spriocanna a shloinneadh i dtéarmaí cainníochtúla nó cáilíochtúla.

4. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14 chun an liosta de chomhtháscairí aschuir a leagtar amach in Iarscríbhinn I a leasú, chun coigeartuithe a dhéanamh, i gcás ina bhfuil bonn cirt leo chun measúnú éifeachtach ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme na gclár oibríochtúil a áirithiú.

CAIBIDIL II

Forálacha sonracha maidir le gnéithe ar leith a láimhseáil

Airteagal 7

Forbairt inbhuanaithe uirbeach

1. Tacóidh CFRE, laistigh de chlár oibríochtúla, le forbairt inbhuanaithe uirbeach trí straitéisí lenar leag amach gníomhaíochtaí comhtháite chun dul i ngleic leis na dúshlán eacnamaíocha, chomhshaoil, aeráide, dhéimeagrafacha agus shóisialta a dhéanann difear do limistéir uirbeacha, agus an gá naisc uirbeacha-thuaithe a chur chun cinn á chur san áireamh.

2. Tabharfar faoi fhorbairt inbhuanaithe uirbeach trí Infheistíocht chríochach chomhtháite dá tagraítear in Airteagal 36 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, nó trí chlár sonracha oibríochtúil, nó tríd ais shonrach tosaíochta i gcomhréir le pointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 96(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

3. Agus a staid chríochach shonrach á cur san áireamh acu, bunóidh gach Ballstát ina Chomhaontú Comhpháirtíochta na príonsabail a bhaineann le limistéir uirbeacha a roghnú ina gcuirfear gníomhaíochtaí comhtháite maidir le forbairt inbhuanaithe uirbeach chun feidhme agus leithdháileadh tascach do na gníomhaíochtaí sin ar an leibhéal náisiúnta.

4. Leithdháilfear 5 % ar a laghad d'acmhainní CFRE arna leithdháileadh ar an leibhéal náisiúnta faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post ar gníomhaíochtaí comhtháite d'fhorbairt inbhuanaithe uirbeach ina mbeidh cathracha, comhlachtaí fo-réigiúnacha nó áitiúla atá freagrach as straitéisí inbhuanaithe uirbeacha a chur chun feidhme ("údaráis uirbeacha") freagrach as cúraimí a bhaineann, ar a laghad, le hoibríochtaí a roghnú i gcomhréir le hAirteagal 123(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, nó, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 123(7) den Rialachán sin. Leagfar amach an méid tascach atáthar le tiomnú chun críocha mhír 2 den Airteagal seo sa chlár oibríochtúil nó sna clár oibríochtúla lena mbaineann.

5. Cinnfidh an t-údarás bainistíochta, i gcomhairle leis an údarás uirbeach, raon feidhme na gcúraimí, a bheidh le déanamh ag údaráis uirbeacha, a bhaineann le bainistiú gníomhaíochtaí comhtháite d'fhorbairt inbhuanaithe uirbeach atá le déanamh ag údaráis uirbeacha. Déanfaidh an t-údarás bainistíochta a chinneadh a thairneadh go foirmiúil i scríbhinn. Beidh ag an údarás bainistíochta an ceart chun fíorú deiridh a dhéanamh ar incháilitheacht oibríochtaí sula ndéanfar iad a fhorhneas.

Airteagal 8

Gníomhaíochtaí nuálacha i réimse na forbartha inbhuanaithe uirbí

1. Ar thionscnamh ón gCoimisiún, féadfaidh CFRE tacú le gníomhaíochtaí nuálacha i réimse na forbartha inbhuanaithe uirbí i gcomhréir le hAirteagal 92(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013. Áireofar i ngníomhaíochtaí den sórt sin staidéir agus treoirthionscadail chun réitigh nua a thugann aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le forbairt inbhuanaithe uirbeach agus atá ábhartha ar leibhéal an Aontais a shaináithint nó a thástáil. Spreagfaidh an Coimisiún rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe ábhartha ó na catagóirí dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 i ngníomhaíochtaí nuálacha a ullmhú agus a chur chun feidhme.

2. De mhaolú ar Airteagal 4 den Rialachán seo, féadfaidh gníomhaíochtaí nuálacha tacú le gach gníomhaíocht is gá chun na cuspóirí téamacha a leagtar amach sa chéad mhír d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus na tosaíochtaí infheistíochta comhfhreagracha a leagtar amach in Airteagal 5 den Rialachán seo a bhaint amach.

3. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14 lena leagfar síos rialacha mionsonraithe maidir leis na príonsabail a bhaineann le roghnú agus bainistiú na ngníomhaíochtaí nuálacha atá le tacaíocht a fháil ó CFRE i gcomhréir leis an Rialachán seo.

*Airteagal 9***Gréasán forbartha uirbí**

1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 58 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 líonra forbartha uirbí a bhunú chun forbairt acmhainní, líonrú agus malartú taithí a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais idir údaráis uirbeacha atá freagrach as straitéisí forbartha inbhuanaithe uirbí a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 7(4) agus (5) den Rialachán seo agus údaráis atá freagrach as gníomhaíochtaí nuálacha i réimse na forbartha inbhuanaithe uirbí i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán seo.

2. Beidh gníomhaíochtaí an ghréasáin forbartha uirbí comhlántach leis na gníomhaíochtaí sin a chuirtear i gcrích faoin gcomhar idir-réigiúnach de bhun phointe (3)(b) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1299/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.

*Airteagal 10***Limistéir a bhfuil míbhuntáistí nádúrtha nó déimeagrafacha acu**

Maidir le cláir oibríochtúla arna gcómhaoiniú ag CFRE, ina gcuimsítear limistéir a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha acu mar a thagraítear i bpointe 4 d'Airteagal 121 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 tabharfar aird ar leith ar thabhairt faoi na deacrachtaí sonracha atá ag na limistéir sin.

*Airteagal 11***Na réigiúin is faide ó thuaidh a bhfuil dlús fíoriseal daonra iontu**

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 maidir leis an leithdháileadh sonracha breise do na réigiúin is faide ó thuaidh a bhfuil dlús fíoriseal daonra iontu. Leithdháilfear an leithdháileadh sin ar na cuspóirí téamacha a leagtar amach i bpointí 1, 2, 3, 4 agus 7 den chéad mhír d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

*Airteagal 12***Na réigiúin is forimeallaí**

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 maidir leis an leithdháileadh sonracha breise do na réigiúin is forimeallaí. Bainfear úsáid as an leithdháileadh sin chun na costais bhreise a fhritháireamh, atá nasctha leis na gnéithe agus srianta speisialta dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE, arna dtabhú sna réigiúin is forimeallaí chun tacaíocht a chur ar fáil don méid seo a leanas:

- (a) na cuspóirí téamacha a leagtar amach sa chéad mhír d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013;
- (b) seirbhísí iompair lasta agus cabhair tosaithe do sheirbhísí iompair;

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1299/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le forálacha sonracha i dtaca le tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa do sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh (Féach leathanach 259 den Iris Oifigiúil seo).

(c) oibríochtaí atá nasctha le srianta stórais, méid iomarcach agus cothabháil uirlisí táirgthe, agus an easpa caipitil dhaonna sa mhargadh áitiúil.

2. Féadfar an leithdháileadh sonracha breise dá dtagraítear i mír 1 a úsáid freisin chun cabhrú le cabhair oibríocháin agus caiteachas lena gcumhdaítear conarthaí agus oibleagáidí seirbhíse poiblí sna réigiúin is forimeallaí a mhaoiniú.

3. Beidh an méid a mbeidh feidhm ag an ráta cómhaoinithe maidir leis comhréireach leis na costais bhreise dá dtagraítear i mír 1, arna dtabhú ag an tairbhí, i gcás cabhrach oibríocháin agus caiteachais lena gcumhdaítear conarthaí agus oibleagáidí seirbhíse poiblí amháin, ach féadfaidh sé na costais iomlána incháilithe i gcás caiteachais le haghaidh infheistíochta a chumhdach.

4. Ní bhainfear úsáid as an leithdháileadh sonracha breise dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo chun tacú leis an méid seo a leanas:

- (a) oibríochtaí a bhaineann le táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE;
- (b) cabhair le haghaidh iompair do dhaoine atá údaraithe faoi phointe (a) d'Airteagal 107(2) CFAE;
- (c) díolúintí cánacha agus díolúine ó mhuirir shóisialta.

5. De mhaolú ar phointe (a) agus phointe (b) d'Airteagal 3(1), féadfaidh CFRE tacú le hinfeistíocht táirgiúil i bhfiontar sna réigiúin is forimeallaí, gan beann ar mhéid na bhfiontar sin.

6. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 maidir le cuid CFRE den imchládach arna leithdháileadh ar Mayotte mar réigiún is forimeallaí de réir bhrí Airteagal 349 CFAE, agus leithdháilfear 50 % ar a laghad de chuid CFRE sin ar na cuspóirí téamacha a leagtar amach i bpointí 1, 2, 3, 4 agus 6 den chéad mhír d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

*CAIBIDIL III***Forálacha críochnaitheacha***Airteagal 13***Forálacha idirthréimhseacha**

1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do leanúint de chúnamh nó do mhodhnú cúnaimh, lena n-áirítear é a chur ar ceal i bpáirt nó ina iomláine, ar cúnaimh é a d'fhormheas an Coimisiún a fhorhneas ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 nó ar bhonn aon reachtaíochta eile a bhfuil feidhm aici maidir leis an gcúnaimh sin an 31 Nollaig 2013. Dá dhroim sin, leanfaidh an Rialachán sin nó cibé reachtaíocht eile den sórt sin is infheidhme d'fheidhm a bheith aige nó aici maidir leis an gcúnaimh sin nó leis na hoibríochtaí lena mbaineann ina dhiaidh sin go dtí go ndúnfar iad. Chun críocha na míre seo cumhdófar le cúnaimh cláir oibríochtúla agus mórtionscadail.

2. Maidir le hiarratais ar chúnamh a fháil a rinneadh nó a formheasadh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006, leanfaidh siad de bheith bailí.

*Airteagal 14***An tarmligeán a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6(4) agus in Airteagal 8(3) a thabhairt don Choimisiún ón 21 Nollaig 2013 go dtí an 31 Nollaig 2020.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 6(4) agus in Airteagal 8(3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligeán na cumhachta a bheidh sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis ón lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ag dáta is déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.
4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.
5. Ní thiochfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 6(4) agus Airteagal 8(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 17 Nollaig 2013.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
R. ŠADŽIUS

don Chomhairle nó, más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 15***Aisghairm**

Gan dochar d'Airteagal 13 den Rialachán seo, aisghairtear leis seo Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006, le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.

Déanfar na tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 16***Athbhreithniú**

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle athbhreithniú ar an Rialachán seo faoin 31 Nollaig 2020, i gcomhréir le hAirteagal 177 CFAE.

*Airteagal 17***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 12(6) le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.

IARSCRÍBHINN I

COMHTHÁSCAIRÍ ASCHUIR MAIDIR LE TACAÍOCHT Ó CFRE FAOI SPRIOC NA HINFHEISTÍOCHTA LE HAGHAIDH FÁIS AGUS POST (AIRTEAGAL 6)

	AONAD	AINM
Infheistíocht tháirgiúil		
	fiontair	Líon na bhfiontar a fhaigheann tacaíocht
	fiontair	Líon na bhfiontar a fhaigheann deontais
	fiontair	Líon na bhfiontar a fhaigheann tacaíocht airgeadais seachas deontais
	fiontair	Líon na bhfiontar a fhaigheann tacaíocht neamhairgeadais
	fiontair	Líon na bhfiontar nua a fhaigheann tacaíocht
	EUR	Infheistíocht phríobháideach atá ar aon dul le tacaíocht phoiblí d'fhiontair (deontais)
	EUR	Infheistíocht phríobháideach atá ar aon dul le tacaíocht phoiblí d'fhiontair (nach deontais atá inti)
	coibhéisí lánaimseartha	Méadú fostaíochta i bhfiontair a fhaigheann tacaíocht
Turasóireacht inbhuanaithe	cuairteanna/bliana	Méadú i líon na gcuairteanna a mbeifear ag súil leo ar shuímh oidhreachta cultúrtha agus nádúrtha agus ar nithe is díol spéise do thurasóirí iad a fhaigheann tacaíocht
Bonneagar TFC	líonta tí	Líonta tí breise a bhfuil rochtain leathanbhanda 30 Mbps ar a laghad acu
Iompar		
Iarnród	ciliméadair	Fad iomlán na línte iarnróid nua ar de sin: TEN-T
	ciliméadair	Fad iomlán na línte iarnróid atógtha nó uasghrádaithe ar de sin: TEN-T
Bóithre	ciliméadair	Fad iomlán na mbóithre nuathógtha ar de sin: TEN-T
	ciliméadair	Fad iomlán na mbóithre atógtha nó uasghrádaithe ar de sin: TEN-T
Iompar uirbeach	ciliméadair	Fad iomlán na dtrambhealaí nó na línte meitreo atá nua nó feabhsaithe
Uiscebhealaí intíre	ciliméadair	Fad iomlán na n-uiscebhealaí intíre atá nua nó feabhsaithe
Comhshaol		
Dramhaíl sholadach	tonaí/bliana	Acmhainn athchúrsála dramhaíola breise
Soláthar uisce	daoine	Daonra breise a gcuirtear soláthar uisce feabhsaithe ar fáil dó
Cóireáil fuíolluisce	coibhéisí áitritheora	Daonra breise a gcuirtear cóireáil fuíolluisce feabhsaithe ar fáil dó
Cosc ar riosca agus bainistíocht riosca	daoine	Daonra a bhaineann tairbhe as bearta um chosaint ar thuilte
	daoine	Daonra a bhaineann tairbhe as bearta cosanta dóiteáin foraoise

	AONAD	AINM
Athshlánú talún	heicteáir	Achar dromchla iomlán na talún athshlánaithe
An Nádúr agus an Bhithéagsúlacht	heicteáir	Achar dromchla gnáthóg a fhaigheann tacaíocht d'fhonn stádas caomhnaithe níos fearr a bhaint amach
Taighde, Nuálaíocht		
	coibhéisí lánaimseartha	Líon na dtaighdeoirí nua in eintitis a fhaigheann tacaíocht
	coibhéisí lánaimseartha	Líon na dtaighdeoirí a oibríonn i saoráidí bonneagair taighde atá feabhsaithe
	fontair	Líon na bhfontar atá ag comhoibriú le hinstiúidí taighde
	EUR	Infheistíocht phríobháideach atá ar aon dul le tacaíocht phoiblí do thionscail nuálaíochta nó T&F
	fontair	Líon na bhfontar a fhaigheann tacaíocht chun táirgí a thabhairt isteach atá nua ar an margadh
	fontair	Líon na bhfontar a fhaigheann tacaíocht chun táirgí a thabhairt isteach atá nua don ghnólacht
Fuinneamh agus athrú aeráide		
Foinsí inathnuaite fuinnimh	MW	Acmhainn bhreise maidir le fuinneamh inathnuaite a tháirgeadh
Éifeachtúlacht fuinnimh	líonta tí	Líon na líonta tí a bhfuil aicmiú ídithe fuinnimh feabhsaithe acu
	kWh/bliaana	Laghdú ar ídiú fuinnimh phríomhúil bliantúil i bhfoirgnimh phoiblí
	úsáideoirí	Líon na n-úsáideoirí breise fuinnimh atá nasctha le heangacha cliste
Laghdú ar ghás ceaptha teasa	tonaí de choibhéisí CO ₂	Laghdú measta bliantúil ar ghás ceaptha teasa
Bonneagar sóisialta		
Cúram leanáí & oideachas	daoine	Acmhainn an bhonneagair cúraim leanáí nó oideachais a fhaigheann tacaíocht
Sláinte	daoine	Daonra atá cuimsithe ag seirbhísí sláinte feabhsaithe
Táscairí sonracha maidir leis an bhForbairt uirbeach		
	daoine	Daonra a bhfuil cónaí air i limistéir a bhfuil straitéisí comhtháite forbartha uirbí acu
	méadair chearnacha	Spás oscailte atá cruthaithe nó athshlánaithe i limistéir uirbeacha
	méadair chearnacha	Foirgnimh phoiblí nó thráchtála atá tógtha nó athchóirithe i limistéir uirbeacha
	aonaid tithíochta	Tithíocht athshlánaithe i limistéir uirbeacha

IARSCRIBHINN II

TÁBLA COMHGHAOIL

Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006	An Rialachán seo
Airteagal 1	Airteagal 1
Airteagal 2	Airteagal 2
Airteagal 3	Airteagal 3
—	Airteagal 4
Airteagal 4	Airteagal 5
Airteagal 5	Airteagal 5
Airteagal 6	—
Airteagal 7	—
—	Airteagal 6
Airteagal 8	Airteagal 7
—	Airteagal 8
—	Airteagal 9
Airteagal 9	—
Airteagal 10	Airteagal 10
—	Airteagal 11
Airteagal 11	Airteagal 12
Airteagal 12	—
Airteagal 13	—
Airteagal 14	—
Airteagal 15	—
Airteagal 16	—
Airteagal 17	—
Airteagal 18	—
Airteagal 19	—
Airteagal 20	—
Airteagal 21	—
Airteagal 22	Airteagal 13
—	Airteagal 14
Airteagal 23	Airteagal 15
Airteagal 24	Airteagal 16
Airteagal 25	Airteagal 17

Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 6 den Rialachán CFRE, Airteagal 15 den Rialachán CCE agus Airteagal 4 den Rialachán maidir leis an gCiste Comhtháthaithe

Tugann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar aird maidir leis an ráthaíocht a sholáthraigh an Coimisiún don reachtas AE gurb éard atá sna táscairí comhchoiteanna aschuir don Rialachán CFRE, don Rialachán CCE agus don Rialachán maidir leis an gCiste Comhtháthaithe atá le cuimsiú in iarscríbhinn a ghabhfaidh le gach rialachán díobh faoi seach, toradh phróiseas fada ullmhúcháin lena n áirítear meastóireachtaí ó shaineolaithe ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit agus táthar ag súil, i bprionsabail, go bhfanfaidh siad cobhsaí.

**RIALACHÁN (AE) Uimh. 1302/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 17 Nollaig 2013**

Iena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 maidir le grúpáil Eorpach um chomhar críochach (EGTC) a mhéid a bhaineann le bunú agus feidhmiú grúpálacha den sórt sin a shoiléiriú, a shimpliú agus a fheabhsú

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 175 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, ghlac an Coimisiún an 29 Iúil 2011 tuarascáil le haghaidh Pharlaimint na hEorpa agus le haghaidh na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin sin. D'fhógair an Coimisiún, sa tuarascáil sin, go bhfuil sé ar intinn aige líon teoranta modhnuithe a mholadh ar Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 chun bunú agus oibriú EGTCanna a éascú, agus ina theannta sin chun soiléiriú ar fhorálacha áirithe atá ann cheana a mholadh. Ba cheart fáil réidh le bacainní in aghaidh EGTCanna nua a bhunú agus ag an am céanna oibriú EGTCanna atá ann cheana a éascú agus leanúnachas a chothabháil iontu, rud a chiallóidh go mbeifear in ann úsáid níos forleithne a bhaint as EGTCanna chun cur le comhleanúnachas beartas níos fearr agus le comhar níos fearr idir comhlachtaí poiblí gan ualach breise ar ranna rialacháin náisiúnta nó ar ranna rialacháin Aontais a chruthú.
- (2) Ba cheart dá chomhaltaí agus dá n-údarás náisiúnta a chinneadh EGTC a bhunú, agus ní nascann sé go huathoibríoch le haon bhuntáistí dlíthiúla nó airgeadais ar leibhéal an Aontais.
- (3) Le Conradh Liospóin, cuireadh gné chríochach leis an mBeartas Comhtháthaithe agus cuireadh 'Aontas' in ionad 'Comhphobal'. Ba cheart, dá bhrí sin, an téarmaíocht nua a thabhairt isteach i Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006.
- (4) Féadfaidh EGTCanna acmhainneacht a bheith acu chun forbairt chomhchuí an Aontais ina iomláine a chur chun

cinn agus a bhaint amach mar aon le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a réigiún go háirithe agus cuidiú le spriocanna straitéis Eoraip 2020 maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach ('straitéis Eoraip 2020') a bhaint amach. Ina theannta sin, féadfaidh EGTCanna rannchuidiú ar bhealach dearfach le bacainní ar chomhar críochach idir réigiúin a laghdú, ar réigiúin iad a ndéanann míbhuntáistí nádúrtha nó déimeagrafacha troma agus buana díobháil dóibh, lena n-áirítear staid shonrach na réigiún is forimeallaí, agus d'fhéadfaidís a bheith fíorthábhachtach i neartú an chomhair idir tríú tíortha, tíortha agus críocha thar lear ('OTCanna') agus réigiúin teorann an Aontais, lena n-áirítear trí chláir Aontais um chomhar seachtrach a úsáid.

- (5) Léiríonn taithe le EGTCanna atá bunaithe go dtí seo go bhfuil EGTCanna, mar ionstraim dlí, á n-úsáid freisin don chomhar i gcomhthéacs bheartas an Aontais seachas an Beartas Comhtháthaithe, lena n-áirítear trí chláir nó codanna de chláir a chur chun feidhme le tacaíocht airgeadais Aontais seachas an tacaíocht faoin mBeartas Comhtháthaithe. Ba cheart éifeachtúlacht agus éifeachtacht EGTCanna a fheabhsú trí nádúr EGTCanna a leathnú, trí dheireadh a chur le bacainní dianseasmhacha agus trí bhunú agus oibriú EGTCanna a éascú agus ag an am céanna cumas na mBallstát teorainn a chur leis na gníomhaíochtaí a bhfuil EGTCanna in ann a dhéanamh gan tacaíocht airgeadais Aontais á chothabháil. Faoi Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 ón gComhairle, tá an inniúlacht dhlítheanach is leithne a thugtar do dhaoine dlítheanacha faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit sin ag EGTCanna i ngach Ballstát, lena n-áirítear an fhéidearthacht comhaontuithe a thabhairt i gcrích le EGTCanna eile, nó le heintitis dlíthiúla eile, chun c tionscadail chomhair a chur i gcrích chun, inter alia, foráil a dhéanamh d'oibriú níos éifeachtúla straitéisí macraireigiúnacha.

- (6) De réir sainmhínte, oibríonn EGTCanna i níos mó ná Ballstát amháin. Dá réir sin, foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 go bhféadfar an dlí is infheidhme maidir le saincheisteanna áirithe a lua i gcoinbhinsiún EGTC agus i reachtanna EGTC. Ba cheart soiléiriú a thabhairt maidir leis na cásanna ina bhfuil ráitis den sórt sin chun tosaíocht a thabhairt, laistigh d'ordlathas an dlí is infheidhme a leagtar síos sa Rialachán sin, do dhlí náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil a oifig chlártaíthe ag EGTC. Ag an am céanna, ba cheart forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 maidir leis an dlí is infheidhme a leathnú go dtí gníomhartha agus gníomhaíochtaí EGTC atá faoi réir grinnscrúdaithe dlíthiúil a dhéanfaidh na Ballstáit i ngach cás ar leith.

⁽¹⁾ IO C 191, 29.6.2012, lch 53.

⁽²⁾ IO C 113, 18.4.2012, lch 22.

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le grúpáil Eorpach um chomhar críochach (IO L 210, 31.7.2006, lch. 19).

- (7) Mar thoradh ar stádas éagsúil comhlachtaí áitiúla agus réigiúnacha i mBallstáit, is féidir go mbeadh inniúlachtaí atá réigiúnach ar thaobh amháin de theorainn bheith náisiúnta ar an taobh eile, go háirithe i mBallstáit

bheaga nó i mBallstáit láraithe. Dá réir sin, ba cheart go mbeadh údarás náisiúnta in ann teacht chun bheith ina gcomhaltaí d'EGTC i dteannta an Bhallstáit.

- (8) Cé go gceadaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 go bhféadfaidh comhlachtaí arna mbunú faoi dhlí príobháideach teacht chun bheith ina gcomhaltaí d'EGTC ar choinníoll go meastar gur comhlachtaí arna rialú faoin dlí poiblí iad faoi mar a shainmhínítear é i dTreoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ ba cheart go bhféadfaí EGTCanna a úsáid sa todhchaí chun seirbhísí poiblí a bhfuil fócas ar leith acu ar sheirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta nó ar bhonneagar a bhainistiú go comhpháirteach. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh gníomhaithe dlí phríobháidigh nó phoiblí eile in ann teacht chun bheith ina gcomhaltaí d'EGTC freisin. Dá dhroim sin, 'gnóthais phoiblí' faoi mar a shainmhínítear iad i dTreoir 2004/17/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾ agus gnóthais ar cuireadh ar a n-iontaoibh oibriú seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, i réimsí amhail oideachas agus oiliúint, cúram leighis, riachtanais shóisialta i dtaca le cúram sláinte agus cúram fadtéarmach, cúram leanaí, rochtain ar an margadh saothair agus ath-lánpháirtíú ann, tithíocht shóisialta agus cúram agus cuimsiú sóisialta grúpaí leochaileacha, ba cheart iad a chumhdach freisin.
- (9) I Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006, níl rialacha mionsonraithe ann maidir le rannpháirtíocht na n-eintiteas ó thrú tíortha in EGTC a bunáidh i gcomhréir leis an Rialachán sin, i.e. idir comhaltaí ó dhá Bhallstát ar a laghad. I bhfianaise na rialacha lena rialaítear an comhar idir Ballstát amháin nó níos mó agus tríú tír amháin nó níos mó a bheith á n-ailíniú tuilleadh, go príomha i gcomhthéacs comhair trasteorann faoin Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht (ENI) agus faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA II), ach, freisin, i gcomhthéacs maoinithe chomhlánaithe faoin gCiste Eorpach Forbraíochta (EDF), agus comhair thrasnáisiúnta faoi sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh, sa chás ina bhfuil leithdháiltí ó ENI agus ó IPA II le haistriú d'fhonn leithdháiltí den sórt sin a chomhthiomsú le leithdháiltí ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) faoi chlár comhair chomhpháirteacha, ba cheart foráil a dhéanamh go sainráite maidir le rannpháirtíocht chomhaltaí ó thrú tíortha atá i gcomharsanacht Ballstáit, lena n-áirítear a réigiúin is forimeallaí, in EGTCanna a bhunaítear idir dhá Bhallstát ar a laghad. Ba cheart gurbh fhéidir sin a dhéanamh i gcás ina gceadaítear amhlaidh i reachtaíocht tríú tíre nó i gcomhaontuithe idir Ballstát amháin atá rannpháirteach, ar a laghad, agus tríú tír.
- (10) Chun comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochoch an Aontais a neartú agus dá bhrí sin chun éifeachtacht an chomhair chríochoigh, go háirithe, a threisiú, lena n-áirítear sraith amháin nó níos mó arb iad an comhar trasteorann, an comhar trasnáisiúnta agus an comhar idir-réigiúnach idir comhaltaí de chuid EGTC, ba cheart rannpháirtíocht tríú tíortha atá i gcomharsanacht Ballstáit, lena n-áirítear a réigiúin is forimeallaí, a cheadú in EGTC. Ba cheart, dá dhroim sin, d'oibriúcháí faoi chlár um chomhar críochoch Eorpach atá á gcómhaoiniú ag an Aontas leanúint de chuspóirí de chuid Bheartas Comhtháthaithe an Aontais a shaothrú, fiú más rud é go gcuirtear chun feidhme iad, i bpáirt nó ina n-iomláine, lasmuigh de chríoch an Aontais, agus, dá dhroim sin, go ndéantar gníomhaíochtaí EGTC a chur i gcrích, go pointe áirithe ar a laghad, lasmuigh de chríoch an Aontais freisin. Sa chomhthéacs seo, agus i gcás inarb iomchuí, is go teagmhasach amháin a bheidh rannchuidiú gníomhaíochtaí EGTC a bhfuil comhaltaí aige freisin ó thrú tíortha atá i gcomharsanacht Ballstáit amháin ar a laghad, lena n-áirítear a réigiúin is forimeallaí, le cuspóirí beartais gníomhaíochta seachtraí de chuid an Aontais, amhail na cuspóirí a bhaineann le comhar um fhorbairt nó le comhar eacnamaíoch, airgeadais agus teicniúil, ós rud é gur cheart go ndireodh croílár na gclár comhair i dtrácht agus dá dhroim sin gníomhaíochtaí de chuid EGTC sin ar chuspóirí Bheartas Comhtháthaithe an Aontais go príomha. Dá dhroim sin, is amhlaidh gur coimhdeach le cuspóirí comhair chríochoigh bunaithe ar bheartas comhtháthaithe idir na Ballstáit, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí, agus é sin amháin, atá na cuspóirí a bhaineann le haon chomhar um fhorbairt nó le haon chomhar eacnamaíoch, airgeadais agus teicniúil idir aon Bhallstát amháin, lena n-áirítear a réigiúin is forimeallaí, agus tríú tír amháin nó níos mó. Dá bhrí sin, tá tríú mír Airteagal 175 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) ina bhunús dlí leordhóthanach chun an Rialachán seo a ghlacadh.
- (11) De thoradh an údaraithe do rannpháirtíocht údarás náisiúnta, réigiúnach, foréigiúnach agus áitiúil agus eagraíochtaí náisiúnta, réigiúnacha, fo-réigiúnacha agus áitiúla mar aon, i gcás inarb iomchuí, comhlachtaí nó institiúidí poiblí eile, lena n-áirítear soláthróirí seirbhísí poiblí, ó OCT in EGTC, bunaithe ar Chinneadh 2013/755/AE ón gComhairle⁽³⁾ agus á chur san áireamh go bhfuil, i gcás chlárthréimhse 2014-2020, leithdháileadh speisialta breise airgeadais faoin gceat airgeadais ilbhliantúil le déanamh chun comhar na réigiúin is forimeallaí den Aontas le tríú tíortha agus le cuid d'OCTanna mar a liostaítear iad in Iarscríbhinn II a ghabhann le CFAE agus atá i gcomharsanacht do na réigiúin is forimeallaí sin a neartú, ba cheart go mbeadh EGTCanna, mar ionstraim dlí, ar oscailt freisin do chomhaltaí ó OCTanna. Ar mhaithe le deimhneacht dlíthiúil agus le trédhearcacht ba cheart nósanna imeachta speisialta formheasta a bhunú d'aontachas comhaltaí ó OCT le EGTC lena n-áirítear ina leith sin, i gcás inar gá, rialacha speisialta i ndáil leis an dlí is infheidhme maidir le EGTC ábhartha ina bhfuil comhaltaí ó OCT.

⁽¹⁾ Treoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí a chomhordú (IO L 134, 30.4.2004, lch. 114).

⁽²⁾ Treoir 2004/17/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena gcomhordaítear na nósanna imeachta um sholáthar de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist (IO L 134, 30.4.2004, lch. 1).

⁽³⁾ Cinneadh 2013/755/AE ón gComhairle an 25 Samhain 2013 maidir le comhlachas tíortha agus críocha thar lear leis an Aontas ("Cinneadh Cumann Thar Lear") (IO L 344 19.12.2013, lch. 1).

- (12) Déantar idirdhealú i Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 idir an coinbhinsiún lena leagtar síos eilimintí bunaitheacha EGTC todhchaí agus na reachtanna lena leagtar amach na heilimintí cur chun feidhme. Foin Rialachán sin, áfach, ní foláir forálacha uile an choinbhinsiúin a bheith sna reachtanna atá ann faoi láthair. Cé go mbeidh an coinbhinsiún agus na reachtanna araon le seoladh chuig na Ballstáit, is doiciméid faoi leith iad, agus ba cheart an nós imeachta formheasta a bheith teoranta don choinbhinsiún. Sa bhreis air sin, ba cheart ina ionad sin gur sa choinbhinsiún a chumhdófaí roinnt eilimintí atá cumhdaithe sna reachtanna faoi láthair.
- (13) Léiríonn an taithí a fuarthas ó EGTCanna a bhunú gurbh annamh a urramaíodh an tréimhse trí mhí chun nós imeachta formheasta na mBallstát a fháil. Ba cheart, dá bhrí sin, an tréimhse sin a fhadú go dtí sé mhí. Ar an lámh eile, chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú i ndiaidh na tréimhse sin, ba cheart go measfaí an coinbhinsiún a bheith formheasta trí chomhaontú intuigthe, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le dlí náisiúnta na mBallstát lena mbaineann, lena n-áirítear a gceanglais bhunreachtúla faoi seach. Ba cheart, áfach, go mbeadh ar an mBallstát ina mbeidh oifig chláráithe bheartaithe EGTC le lonnú an coinbhinsiún a fhormheas go foirmiúil. Cé gur cheart go mbeadh na Ballstáit in ann rialacha náisiúnta a chur i bhfeidhm maidir leis an nós imeachta i ndáil le rannpháirtíocht chomhalta ionchasaigh in EGTC a fhormheas nó rialacha sonracha a chruthú faoi chuimsiú na rialacha náisiúnta lena ndéantar Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 a chur chun feidhme, ba cheart go gcoiscfí maoluithe ar an bhforáil maidir le comhaontú intuigthe tar éis na tréimhse sé mhí, ach amháin mar a fhoráiltear sa Rialachán seo.
- (14) Ba cheart na forais atá ag Ballstát le gan rannpháirtíocht comhalta ionchasaigh a fhormheas nó le gan an coinbhinsiún a fhormheas a leagan amach. Le linn cinneadh a dhéanamh maidir leis an bhformheas sin, níor cheart, áfach, aon dlí náisiúnta lena gceanglaítear rialacha agus nósanna imeachta seachas iad sin dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 a chur san áireamh.
- (15) Toisc nach féidir feidhm a bheith ag Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 i dtríú tíortha, ba cheart don Bhallstát ina mbeidh oifig chláráithe bheartaithe EGTC le lonnú, agus rannpháirtíocht chomhaltaí ionchasaigh ó thríú tíortha, arna mbunú faoi dhlí na dtríú tíortha sin, á formheas aige, deimhin a dhéanamh de, i gcomhairle leis na Ballstáit sin ar faoina ndlíthe a bunaíodh comhaltaí ionchasaigh eile d'EGTC, go bhfuil curtha i bhfeidhm ag na tríú tíortha coinníollacha agus nósanna imeachta atá coibhéiseach leo siúd a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 nó gur ghníomhaigh siad i gcomhréir le comhaontuithe idirnáisiúnta déthaobhacha nó iltaobhacha arna dtabhairt i gcrích idir Ballstáit de Chomhairle na hEorpa, cibé an Ballstát iad de chuid an Aontais iad freisin nó nach ea, bunaithe ar an gCoinbhinsiún Imlíneach Eorpach maidir le Comhar Trasteorann idir Pobail nó Údarás Chríochacha, arna shíniú i Maidrid an 21 Bealtaine 1980, agus ar na Prótaicail bhreise a glacadh dá bhun. Ba cheart a shonrú freisin i gcás rannpháirtíocht roinnt Ballstát de chuid an Aontais agus tríú tír amháin nó níos mó, gur cheart gur leor é comhaontú den sórt sin a bheith tugtha i gcrích idir an tríú tír faoi seach agus Ballstát rannpháirteach amháin de chuid an Aontais.
- (16) Chun aontachas comhaltaí nua le EGTC atá ann cheana a spreagadh, ba cheart go ndéanfaí simpliú ar an nós imeachta chun coinbhinsiún i gcásanna den sórt sin a leasú. Dá dhroim sin, i gcás comhalta nua ó Bhallstát a bhfuil an coinbhinsiún formheasta aige cheana, níor cheart fógra i dtaobh leasuithe den sórt sin a thabhairt do gach Ballstát rannpháirteach, ach ba cheart é a thabhairt don Bhallstát a bhfuil an comhalta ionchasaigh nua bunaithe faoina dhlíthe náisiúnta agus don Bhallstát ina bhfuil a oifig chláráithe ag EGTC, agus dóibh sin amháin. Maidir le haon leasú a dhéantar ina dhiaidh sin ar an gcoinbhinsiún, ba cheart fógra ina thaobh a thabhairt do na Ballstáit go léir lena mbaineann. Níor cheart, áfach, feidhm a bheith ag simpliú den sórt sin ar an nós imeachta leasaitheach i gcás comhalta ionchasaigh nua ó Bhallstát nach bhfuil an coinbhinsiún formheasta aige cheana, ó thríú tír, nó ó OCT, mar is gá cur ar chumas gach Ballstát rannpháirtigh a sheiceáil an bhfuil aontachas den sórt sin i gcomhréir lena leas poiblí nó lena bheartas poiblí.
- (17) I bhfianaise na nasc idir Ballstáit agus OCTanna, ba cheart go mbeadh na Ballstáit sin bainteach leis na nósanna imeachta chun rannpháirtíocht na gcomhaltaí ionchasaigh ó OCTanna a fhormheas. I gcomhréir leis an gcaidreamh sonracha rialachais idir an Ballstát agus OCT, ba cheart don Bhallstát rannpháirtíocht an chomhalta ionchasaigh ó OCT a fhormheas nó deimhniú i scríbhinn a chur ar fáil don Bhallstát, ina mbeidh oifig chláráithe bheartaithe EFTC le lonnú, go bhfuil na húdaráis inniúla in OCT tar éis rannpháirtíocht an chomhalta ionchasaigh a fhormheas i gcomhréir le coinníollacha agus nósanna imeachta atá coibhéiseach leo sin a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006. Ba cheart go mbeadh feidhm ag an nós imeachta céanna i gcás comhalta ionchasaigh ó OCT ar mian leis a bheith páirteach in EGTC atá ann cheana.
- (18) Toisc nach bhfuil forálacha uile an choinbhinsiúin le bheith sna reachtanna a thuilleadh, ba cheart idir an coinbhinsiún agus na reachtanna a chlárú nó a fhoilsiú, nó a chlárú agus a fhoilsiú. Sa bhreis air sin, ar mhaithe le trédhearcacht, ba cheart fógra maidir leis an gcinneadh lena mbunaítear EGTC a fhoilsiú i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Ar mhaithe le comhsheasmhacht, ba cheart go mbeadh na sonraí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 arna leasú leis an Rialachán seo san fhógra sin.
- (19) Ba cheart cuspóir EGTC a leathnú chun éascú agus chun cur chun cinn comhair chríochaigh i gcoitinne a chuimsiú, lena n-áirítear pleanáil straitéiseach agus bainistiú ábhar imní réigiúnach agus áitiúil i gcomhréir leis an mBeartas Comhtháthaithe agus le beartais eile de chuid an Aontais, rud a rannchuideoidh le straitéis Eoraip 2020 nó le cur chun feidhme straitéisí macraireigiúnacha. Ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh EGTC in ann oibríochtaí a chur chun feidhme le tacaíocht airgeadais seachas an tacaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil trí Bheartas Comhtháthaithe an Aontais. Ina theannta sin, ba cheart go gceanglófaí go mbeadh ag gach comhalta as gach Ballstát agus as gach tríú tír a bhfuil ionadaíocht

- aige gach inniúlacht atá ag teastáil le haghaidh fheidhmiú éifeachtach EGTC, ach amháin mura ndéanann an Ballstát nó an tríú tír rannpháirtíocht comhalta a bhunaítear faoina dhlí náisiúnta a fhorhmeas, fiú amháin sa chás nach bhfuil inniúlacht ag an gcomhalta sin do na cúraimí go léir a shonraítear sa choinbhinsiún.
- (20) Mar ionstraim dlí, níl sé beartaithe go rachadh EGTCanna timpeall an chreata arna sholáthar ag acquis Chomhairle na hEorpa, ar acquis é a sholáthraíonn deiseanna agus creataí éagsúla inar féidir le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla comhoibriú thar teorainneacha lena n-áirítear na Grúpálacha Comhair Eora-Réigiúnacha⁽¹⁾ a bunaíodh le déanaí, nó níl sé le tacar comhrialacha sonracha a sholáthar a rialódh go haonfhoirmeach na socruithe uile den sórt sin ar fud an Aontais.
- (21) Cúraimí sonracha EGTC mar aon leis an bhféidearthacht atá ag Ballstáit teorainn a chur leis na gníomhaíochtaí is féidir le EGTCanna tabhairt fúthu gan tacaíocht airgeadais ón Aontas, ba cheart iad araon a ailíniú leis na forálacha a rialaíonn CFRE, Ciste Sóisialta na hEorpa agus na Cistí Struchtúracha i rith chlárthréimhse 2014-2020.
- (22) Cé go bhfuil sé leagtha síos i Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 nach mbaineann cúraimí EGTC, i measc nithe eile, le 'cumhachtaí rialála', ar féidir iarmhairtí dlíthiúla éagsúla a bheith acu i mBallstáit éagsúla, ba cheart dá ainneoin sin go mbeadh tionól EGTC in ann, má fhoráiltear amhlaidh go sonracha sa Choinbhinsiún, agus, i gcomhlíonadh dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta, sainiú a dhéanamh ar théarmaí agus coinníollacha úsáide mhír bhonneagair atá faoi bhainistíocht EGTC, nó ar théarmaí agus coinníollacha ar féidir seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar faoina réir, lena n-áirítear na taraifí agus na táill atá le híoc ag na húsáideoirí.
- (23) De thoradh EGTCanna a oscailt do chomhaltaí ó thríú tíortha nó ó chríocha thar lear, ba cheart go ndéanfaí na socruithe le haghaidh a rannpháirtíochta a shonrú sa choinbhinsiún.
- (24) Ba cheart don choinbhinsiún, sa bhreis ar thagairt don dlí is infheidhme i gcoitinne mar a leagtar síos in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 a bheith ann, dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le EGTC a liostú ann freisin. Sa bhreis air sin, ba cheart go bhféadfadh dlí náisiúnta den sórt sin a bheith ionann leis an dlí sa Bhallstát ina bhfeidhmíonn comhlachtaí EGTC a gcuid cumhachtaí, go háirithe i gcás comhaltaí foirne atá ag obair faoi fhreagracht an stiúrthóra agus atá lonnaithe i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil a oifig chláraithe ag EGTC. Ba cheart an dlí Aontais agus náisiúnta is infheidhme is ábhartha go díreach do ghníomhaíochtaí EGTC arna gcur i gcrích faoi na cúraimí a shonraítear sa choinbhinsiún a liostú freisin, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil seirbhísí poiblí lena ngabhann leas ginearálta nó bonneagar á mbainistiú ag EGTC.
- (25) Níor cheart don Rialachán seo fadhbanna atá nasctha le soláthar trasteorann a bhíonn ag EGTCanna a chumhdach.
- (26) I ngeall ar an tábhacht a bhaineann leis na rialacha is infheidhme maidir le foireann EGTCanna agus leis na prionsabail a rialaíonn na socruithe maidir le bainistíocht pearsanra agus nósanna imeachta earcaíochta pearsanra, ba cheart don choinbhinsiún, ní do na reachtanna, na rialacha agus na prionsabail sin a shonrú. Ba cheart go bhféadfaí roghanna éagsúla maidir le rogha na rialacha is infheidhme maidir le foireann EGTCanna a leagan síos sa choinbhinsiún. Ba cheart déileáil sna reachtanna leis na socruithe sonracha maidir le bainistíocht pearsanra agus nósanna imeachta earcaíochta pearsanra.
- (27) Ba cheart do Bhallstáit úsáid a bhaint as na féidearthachtaí dá bhforáiltear faoi Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾ chun eisceachtaí a cheadú trí chomhaontú i ndáil leis an reachtaíocht is infheidhme faoin Rialachán sin a chinneadh, ar mhaithe le daoine áirithe nó catagóirí áirithe daoine, agus chun foireann EGTCanna a mheas mar chatagóirí daoine den sórt sin.
- (28) I ngeall ar an tábhacht a bhaineann leis na socruithe maidir le dliteanas comhaltaí, ba cheart don choinbhinsiún, ní do na reachtanna, na socruithe sin a shonrú.
- (29) I gcás ina bhfuil sé mar chuspóir eisiach ag EGTC clár comhair, nó cuid de, a dtacaíonn CFRE leis a bhainistiú, nó i gcás ina mbaineann EGTC le comhar idir-réigiúnach nó le gréasáin idir-réigiúnacha, níor cheart go mbeadh faisnéis maidir leis an gcrích ina bhfuil EGTC in ann a chuid cúraimí a chur i gcrích ag teastáil. Sa chéad chás, ba cheart méid na críche a shainiú sa chlár comhair ábhartha agus, i gcás inarb iomchuí, ba cheart é a athrú. Sa dara cás, cé go mbaineann sé go príomha le gníomhaíochtaí neamhábhartha, chuirfeadh ceanglas maidir le faisnéis den sórt sin aontachas comhaltaí nua le comhar idir-réigiúnach nó le gréasáin idir-réigiúnacha i mbaol.
- (30) Ba cheart na socruithe éagsúla a bhaineann le rialú bhainistíochta na gcistí poiblí ar lámh amháin agus rialú iniúchóireacht chuntais EGTC ar an lámh eile a shoiléiriú.
- (31) Ba cheart idirdhealú níos soiléire a dhéanamh idir EGTCanna a bhfuil dliteanas teoranta ag a gcuid comhaltaí agus iad sin a bhfuil dliteanas neamhtheoranta ag a gcuid comhaltaí. Sa bhreis air sin, chun cur ar chumas EGTCanna a bhfuil dliteanas teoranta ag a gcuid comhaltaí gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh fiacha a chruthú a chur chun feidhme, ba cheart a cheadú do Bhallstáit a cheangal go dtógann EGTCanna den sórt sin árachas iomchuí nó go mbeadh EGTCanna den sórt sin faoi réirráthaíochta airgeadais iomchuí chun na rioscáil is sonracha do na gníomhaíochtaí sin a chumhdach.

⁽¹⁾ Prótocal Uimh. 3 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Imlíneach Eorpach maidir le Comhar Trasteorann idir Pobail nó Údaráis Chríochacha a mhéid a bhaineann le Grúpálacha Comhair Eora-Réigiúnacha (ECGanna), a osclaíodh le haghaidh a shínte an 16 Samhain 2009.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1).

- (32) Ba cheart do Bhallstáit aon fhorálacha, chomh maith le haon leasuithe orthu, arna nglacadh chun Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 a chur chun feidhme a thíolacadh don Choimisiún. Chun malartú na faisnéise agus an comhordú a fheabhsú idir na Ballstáit, an Coimisiún agus Coiste na Réigiún, ba cheart don Choimisiún forálacha den sórt sin a tharchur chuig na Ballstáit agus chuig Coiste na Réigiún. Tá ardán EGTC curtha ar bun ag Coiste na Réigiún inar féidir leis na geallsealbhóirí uile a dtaithe agus dea-chleachtais a mhalartú agus cumarsáid maidir le deiseanna agus dúshláin EGTC a fheabhsú trí mhalartú taithe maidir le bunú EGTCanna ar leibhéal críochach a éascú agus trí eolas maidir leis na cleachtais is fearr i dtaca le comhar críochach a roinnt.
- (33) Ba cheart sprioc-am nua le haghaidh na tuarascála maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 a shocrú. I gcomhréir le gluaiseacht an Choimisiúin i dtreo cheapadh beartais atá bunaithe níos mó ar fhianaise, ba cheart don tuarascáil sin aghaidh a thabhairt ar na príomhcheisteanna meastóireachta lena n-áirítear éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, breisluach Eorpach agus an scóip le haghaidh simplithe agus inbhuanaitheachta. Ba cheart go dtuigfí go mbaineann éifeachtacht, inter alia, le nádúr na niarrachtaí laistigh de sheirbhísí éagsúla an Choimisiúin agus idir an Coimisiún agus comhlachtaí eile amhail an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí faisnéis a scaipeadh faoi ionstraim EGTC. Ba cheart go gcuirfeadh an Coimisiún an tuarascáil sin ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus, de bhun na chéad míre d'Airteagal 307 CFAE, chuig Coiste na Réigiún. Ba cheart an tuarascáil sin a chur ar aghaidh faoin 1 Lúnasa 2018.
- (34) Chun liosta de tháscairí a leagan síos le haghaidh úsáide chun an mheastóireacht agus an t-ullmhúchán a dhéanamh ar an tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Le linn don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ullmhú agus a tharraingt suas, ba cheart dó a áirithiú go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí
- (35) Níor cheart go mbeadh sé d'oibleagáid ar EGTCanna atá ann cheana a gcoinbhinsiún agus a gcuid reachtanna a ailníú do leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 arna dtabhairt isteach leis an Rialachán seo.
- (36) Is gá a shonrú cé an tacar rialacha faoinar cheart EGTC, ar cuireadh tús le nós imeachta formheasa ina leith roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, a fhormheas.
- (37) Chun rialacha náisiúnta atá ann cheana a oiriúnú ar mhaithe leis an Rialachán seo a chur chun feidhme sula gcaithfear cláir faoi sprioc an chomhair chríocheaigh

Eorpaigh a chur faoi bhráid an Choimisiúin, ba cheart go dtosódh an Rialachán seo d'fheidhm a bheith aige sé mhí i ndiaidh dháta a theacht i bhfeidhm. Agus a rialacha náisiúnta atá ann cheana á n-oiriúnú acu, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-ainmneofar údarais inniúla a bheidh freagrach as EGTCanna a fhormheas agus, i gcomhréir lena socruithe dlíthiúla agus riaracháin, gur cheart gurbh iad na húdarais den sórt sin agus na comhlachtaí céanna a bheidh freagrach as fógraí a fháil i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006.

- (38) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon ionstraim dlí EGTC a fheabhsú, a ghnóthú go leordhóthanach ach gur féidir é a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú, i ngeall ar dhul ar iontaoibh EGTC a bheith roghnach, i gcomhréir le córas bunreachtúil gach Ballstáit.
- (39) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 mar a leanas:

- (1) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

'1. Féadfar Grúpáil Eorpach um Chomhar Críochach ('EGTC') a bhunú ar chríoch an Aontais faoi na coinníollacha agus faoi réir na socruithe dá bhforáiltear leis an Rialachán seo.

2. Beidh sé mar chuspóir ag EGTC, go háirithe, comhar críochach, lena n-áirítear ceann amháin nó níos mó de na sraitheanna comhair, eadhon an comhar trasteorann, an comhar trasnáisiúnta agus an comhar idir-réigiúnach, a éascú agus a chur chun cinn idir a chomhaltaí de réir mar a leagtar amach in Airteagal 3(1), agus é mar aidhm aige comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a neartú.;

- (b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'5. Beidh oifig chláráithe EGTC lonnaithe i mBallstát ar faoina dhlí atá ceann amháin ar a laghad de chomhaltaí de chuid EGTC bunaithe.;

(2) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Déanfar gníomhartha comhlachtaí de chuid EGTC a rialú leis an méid seo a leanas:

(a) an Rialachán seo;

(b) an coinbhinsiún dá dtagraítear in Airteagal 8, i gcás ina bhfuil sé údaraithe déanamh amhlaidh go sainráite faoin Rialachán seo; agus

(c) i gcás nithe nach bhfuil á rialú faoin Rialachán seo, nó atá á rialú i bpairt aige amháin, dlí náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil a oifig chláráithe ag EGTC.

I gcás inar gá an dlí is infheidhme faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí idirnáisiúnta príobháideach a chinneadh, measfar gur eintiteas de chuid an Bhallstáit ina bhfuil a oifig chláráithe aige a bheidh in EGTC.;

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'1a. Beidh gníomhaíochtaí de chuid EGTC maidir le cúraimí a dhéanamh, dá dtagraítear in Airteagal 7(2) agus (3), laistigh den Aontas á rialú ag dlí an Aontais is infheidhme agus ag an dlí náisiúnta is infheidhme faoi mar a shonraítear sa choinbhinsiún dá dtagraítear in Airteagal 8.

Comhlíonfaidh gníomhaíochtaí de chuid EGTC atá á gcómhainiú as buiséad an Aontais na ceanglais a leagtar amach i ndlí Aontais is infheidhme agus sa dlí náisiúnta is infheidhme a bhaineann le cur i bhfeidhm an dlí sin de chuid an Aontais.;

(3) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre de mhír 1:

'1. Féadfaidh na heintitis seo a leanas a bheith ina gcomhaltaí d'EGTC:

(a) Ballstáit nó údarais ar an leibhéal náisiúnta;

(b) údarais réigiúnacha;

(c) údarais áitiúla;

(d) gnóthais phoiblí de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2004/17/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) nó comhlachtaí arna rialú faoin dlí poiblí de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 1(9) de Threoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**);

(e) gnóthais a cuireadh ar a n-iontaoibh oibríochtaí seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme agus le dlí náisiúnta is infheidhme;

(f) údarais náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla, nó comhlachtaí nó gnóthais phoiblí, atá coibhéiseach leo siúd dá dtagraítear faoi phointe (d), ó thríú tíortha, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 3a.

(*) Treoir 2004/17/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena gcomhordaítear na nósanna imeachta um sholáthar de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist (IO L 134, 30.4.2004, lch. 1).

(**) Treoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí a chomhordú (IO L 134, 30.4.2004, lch. 114).;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Beidh EGTC comhdhéanta de chomhaltaí atá lonnaithe ar chríoch dhá Bhallstát ar a laghad, seachas mar a fhoráiltear in Airteagal 3a(2) agus (5).'

(4) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

'Airteagal 3a

Aontachas comhaltaí ó thríú tíortha nó ó thíortha nó ó chríocha thar lear (OCTanna)

1. I gcomhréir le hAirteagal 4(3a), féadfaidh EGTC a bheith comhdhéanta de chomhaltaí lonnaithe ar chríoch dhá Bhallstát ar a laghad agus ó thríú tír amháin nó níos mó atá i gcomharsanacht ceann amháin de na Ballstáit sin ar a laghad, lena n-áirítear a réigiúin is forimeallaí, i gcás ina ndéanann na Ballstáit agus na tríú tíortha gníomhaíochtaí comhair chríochoigh a chur i gcrích go comhpháirteach nó ina ndéanann siad cláir a dtacaíonn an tAontas leo a chur chun feidhme go comhpháirteach.

Chun críocha an Rialacháin seo, measfar tríú tír nó OCT a bheith i gcomharsanacht Ballstáit, lena n-áirítear a réigiúin is forimeallaí, sa chás ina bhfuil teorainn talún i bpairt ag tríú tír nó ag OCT agus ag an mBallstát sin nó sa chás ina bhfuil an tríú tír nó OCT agus an Ballstát araon incháilithe faoi chlár comhpháirteach trasteorann mara nó faoi chlár comhpháirteach trasnáisiúnta mara faoi sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh nó incháilithe faoi chlár eile comhair trasteorann, muirthrasnaithe nó imchuach farraige, lena n-áirítear sa chás ina bhfuil siad deighilte ó chéile ag uiscí idirnáisiúnta.

2. Féadfaidh EGTC a bheith comhdhéanta de chomhaltaí atá lonnaithe ar chríoch Ballstáit amháin agus de thríú tír amháin nó níos mó atá i gcomharsanacht an Bhallstáit sin, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí, i gcás ina measann an Ballstát lena mbaineann go bhfuil EGTC comhsheasmhach le raon feidhme a chomhair chríochoigh i gcomhthéacs an chomhair trasteorann nó thrasnáisiúnta nó a chaidrimh dhéthaobhaigh leis na tríú tíortha lena mbaineann.

3. Chun críocha mhír 1 agus mhír 2, áireofar ar na tríú tíortha atá i gcomharsanacht Ballstáit, lena n-áirítear a réigiúin is forimeallaí, teorainneacha muirí idir na tíortha lena mbaineann.

4. I gcomhréir le hAirteagal 4a agus faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh EGTC a bheith comhdhéanta freisin de chomhaltaí atá lonnaithe ar chríoch dhá Bhallstát ar a laghad, lena n-áirítear a réigiúin is forimeallaí, agus d'OCT amháin nó níos mó, i dteannta nó d'uireasa comhaltaí ó thríú tír amháin nó níos mó.

5. I gcomhréir le hAirteagal 4a agus faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo, féadfaidh EGTC a bheith comhdhéanta freisin de chomhaltaí atá lonnaithe ar chríoch Ballstáit amháin, lena n-áirítear a réigiúin is forimeallaí, agus d'OCT amháin nó níos mó, i dteannta nó d'uireasa comhaltaí ó thríú tír amháin nó níos mó.

6. Ní dhéanfar EGTC a chur ar bun nach mbeadh ann ach EGTC idir comhaltaí ó Bhallstát amháin agus ó OCT amháin nó níos mó a bhfuil nasc aige nó acu leis an mBallstát céanna sin.;

(5) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Tar éis fógra faoi mhír 2 a fháil ó chomhalta ionchasaigh, déanfaidh an Ballstát a mbeidh an fógra sin faighte aige, agus a struchtúr bunreachtúil á chur san áireamh aige, rannpháirtíocht an chomhalta ionchasaigh in EGTC agus sa choinbhinsiún a fhormheas mura rud é go measann an Ballstát sin:

(a) nach bhfuil rannpháirtíocht den sórt sin nó nach bhfuil an coinbhinsiún ar comhréir le haon cheann de na nithe seo a leanas:

(i) an Rialachán seo;

(ii) dlí eile de chuid an Aontais a bhaineann le gníomhartha agus gníomhaíochtaí de chuid EGTC;

(iii) dlí náisiúnta a bhaineann le cumhachtaí agus le hinniúlachtaí an chomhalta ionchasaigh;

(b) nach bhfuil bonn cirt le rannpháirtíocht den sórt sin ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail nó le beartas poiblí an Bhallstáit sin; nó

(c) nach bhfuil na reachtanna comhsheasmhach leis an gcoinbhinsiún.

I gcás nach ndéantar formheas, tabharfaidh an Ballstát ráiteas ar na fáthanna atá aige formheas a choinneáil siar agus, i gcás inarb iomchuí, molfaidh sé na leasuithe is gá ar an gcoinbhinsiún.

Tiocfaidh an Ballstát ar a chinneadh, maidir leis an bhformheas, laistigh de thréimhse sé mhí ón dáta a bhfaighfear fógra i gcomhréir le mír 2. Mura ndéanann an Ballstát a bhfuil an fógra faighte aige agóid laistigh den thréimhse sin, measfar rannpháirtíocht an chomhalta ionchasaigh agus an coinbhinsiún a bheith formheasta. Déanfaidh an Ballstát, áfach, ina bhfuil oifig chláráithe bheartaithe EGTC le lonnú an coinbhinsiún a fhormheas go foirmiúil ionas go bhféadfar EGTC a bhunú.

Brisfidh aon iarratas ar fhaisnéis bhreise ón mBallstát chuig comhalta ionchasaigh an sprioc-am dá dtagraítear sa tríú fómhír. Tosóidh an thréimhse bhriste ón lá i ndiaidh an dáta a mbeidh a chuid barúlacha seolta ag an mBallstát chuig an gcomhalta ionchasaigh agus mairfidh sé go dtí go dtabharfaidh an comhalta ionchasaigh freagairt ar na barúlacha sin.

Ní tharlóidh briseadh sa sprioc-am dá dtagraítear sa tríú fómhír, áfach, más rud é go mbeidh freagra ar na barúlacha ón mBallstát tíolactha ag an gcomhalta ionchasaigh laistigh de dheich lá oibre ó thús na thréimhse bhriste.

Agus cinneadh á dhéanamh faoi rannpháirtíocht comhalta ionchasaigh in EGTC, féadfaidh Ballstáit a gcuid rialacha náisiúnta a chur i bhfeidhm.;

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'3a. I gcás EGTC a bhfuil comhaltaí ionchasaigh ó thríú tír amháin nó níos mó aige, déanfaidh an Ballstát ina bhfuil oifig chláráithe bheartaithe EGTC le lonnú, i gcomhairle leis na Ballstáit eile lena mbaineann, a dheimhniú dó féin go bhfuil na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 3a á gcomhlíonadh agus gur fhormheas gach tríú tír rannpháirtíocht an chomhalta ionchasaigh i gcomhréir:

(a) le coinníollacha agus nósanna imeachta atá coibhéseach leo siúd a leagtar síos sa Rialachán seo; nó

(b) le comhaontú arna thabhairt i gcrích idir Ballstát amháin ar a laghad a bhfuil comhalta ionchasaigh bunaithe faoina dhlíthe agus an tríú tír sin.;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5 agus mhír 6:

'5. Aontóidh na comhaltaí ar an gcoinbhinsiún dá dtagraítear in Airteagal 8, agus á áirithiú dóibh go bhfuil sé ag luí leis an bhformheas i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo.

6. Tabharfaidh EGTC fógra maidir le haon leasú ar an gcoinbhinsiún nó ar na reachtanna do na Ballstáit a bhfuil comhaltaí EGTC bunaithe faoin gcuid dlíthe. Déanfaidh na Ballstáit sin aon leasú ar an gcoinbhinsiún a fhormheas i gcomhréir leis an nós

imeachta a leagtar amach san Airteagal seo, ach amháin i gcás aontachais comhalta nua faoi phointe (a) de mhír 6a, agus sa chás sin amháin.;

(d) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'6a. Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas i gcás aontachais comhaltaí nua le EGTC atá ann cheana:

(a) i gcás aontachais comhalta nua ó Bhallstát a bhfuil an coinbhinsiún formheasta aige cheana féin, ní dhéanfaidh ach an Ballstát a bhfuil an comhalta nua bunaithe faoina chuid dlíthe aontachas den sórt sin a fhormheas, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i mír 3 agus tabharfar fógra ina leith don Bhallstát ina bhfuil a oifig chláráithe ag EGTC;

(b) i gcás aontachais comhalta nua ó Bhallstát nach bhfuil an coinbhinsiún formheasta aige cheana féin, beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar amach i mír 6;

(c) i gcás aontachais comhalta nua ó thríú tír le EGTC atá ann cheana, beidh aontachas den sórt sin faoi réir scrúdaithe ag an mBallstát ina bhfuil oifig chláráithe EGTC lonnaithe i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i mír 3a.;

(6) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

'Airteagal 4a

Rannpháirtíocht chomhaltaí ó OCT

I gcás EGTC a bhfuil comhalta ionchasach ó OCT aige, deimhneoidh an Ballstát a bhfuil nasc aige le OCT dó féin go bhfuil coinníollacha Airteagal 3a á gcomhlíonadh agus, ag cur a chaidrimh leis an OCT san áireamh, déanfaidh sé ceann de na nithe seo a leanas:

(a) rannpháirtíocht an chomhalta ionchasaigh a fhormheas i gcomhréir le hAirteagal 4(3); nó

(b) a dhearbhu i scríbhinn don Bhallstát ina bhfuil oifig chláráithe bheartaithe EGTC le lonnú gur fhormheas údarais inniúla in OCT rannpháirtíocht an chomhalta ionchasaigh i gcomhréir le coinníollacha agus nósanna imeachta atá coibhéiseach leo sin a leagtar síos sa Rialachán seo.;

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

'Airteagal 5

Pearsantacht dhlítheanach a fháil agus foilsíú san Iris Oifigiúil

1. Clárófar nó foilseofar, nó clárófar agus foilseofar, an coinbhinsiún agus na reachtanna agus aon leasuithe orthu ina dhiaidh sin sa Bhallstát ina bhfuil a oifig chláráithe ag

EGTC lena mbaineann, i gcomhréir le dlí náisiúnta is infheidhme an Bhallstáit sin. Gheobhaidh EGTC pearsantacht dhlítheanach ar dháta chlárú nó fhoilsíú an choinbhinsiúin agus na reachtanna, cibé acu is túisce a tharlóidh. Tabharfaidh na comhaltaí fógra do na Ballstáit lena mbaineann agus do Choiste na Réigiúin faoi chlárú nó faoi fhoilsíú an choinbhinsiúin agus na reachtanna.

2. Áiritheoidh EGTC, laistigh de dheich lá oibre ón gcoinbhinsiún agus na reachtanna a chlárú nó a fhoilsíú, go gcuirfead iarraidh chuig Coiste na Réigiúin a leanann an teimpléad a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Déanfaidh Coiste na Réigiúin ansin an iarraidh sin a tharchur chuig Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh ionas go bhfoilseofar fógra i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, ina bhfógrófar bunú EGTC, i dteannta na sonraí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán.;

(8) In Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. D'ainneoin mhír 1, mhír 2 agus mhír 3 den Airteagal seo, i gcás ina gcuimsíonn cúraimí EGTC amháil dá dtagraítear in Airteagal 7(3) gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag an Aontas, beidh feidhm ag an reachtaíocht ábhartha maidir le rialú na gcistí arna soláthar ag an Aontas.;

(9) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 agus mhír 3:

'2. Gníomhóidh EGTC laistigh de shrianta na gcúraimí a thugtar dó, eadhon an comhar críochach a éascú agus a chur chun cinn chun comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a neartú, agus bacainní ar an margadh inmheánach a shárú. Is iad a chomhaltaí a chinnfidh gach cúram mar chúram a thig faoi inniúlacht gach comhalta, mura rud é go bhformheasann an Ballstát nó an tríú tír rannpháirtíocht comhalta arna bhunú faoina dhlí náisiúnta fiú mura bhfuil an comhalta sin inniúil i dtaobh na gcúraimí uile arna sonrú sa choinbhinsiún.

3. Féadfaidh EGTC gníomhaíochtaí sonracha comhair chríochoigh a dhéanamh idir a chomhaltaí agus an cuspóir dá dtagraítear in Airteagal 1(2) á shaothrú aige, le tacaíocht airgeadais ón Aontas nó dá huireasa.

Go príomha, féadfaidh baint a bheith ag cúraimí EGTC le cur chun feidhme na glár comhair, nó codanna díobh, nó le cur chun feidhme oibríochtaí a dtacaíonn an tAontas leo trí Choiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, trí Chiste Sóisialta na hEorpa agus/nó tríd an gCiste Comhtháthaithe.

Féadfaidh Ballstáit teorainn a chur leis na cúraimí a fhéadfaidh EGTCanna a dhéanamh gan tacaíocht airgeadais acu ón Aontas. Gan dochar d'Airteagal 13, áfach, ní dhéanfaidh Ballstáit cúraimí a bhaineann le tosaíochtaí infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1299/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) a eisiámh.

(*) Rialachán (AE) Uimh.1299/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le forálacha sonracha i dtaca le tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa do sprioc an chomhair chríocheaigh Eorpaigh (IO L 347 20.12.2013, lch. 259).';

(b) i mír 4, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

'I gcomhréir leis an dlí Aontais is infheidhme agus leis an dlí náisiúnta is infheidhme, áfach, féadfaidh tionól EGTC, amhail dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 10(1), sainiú a dhéanamh ar théarmaí agus coinníollacha úsáide mhír de bhonneagar atá faoi bhainistíocht EGTC, nó ar théarmaí agus coinníollacha faoinar féidir seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar, lena n-áirítear na taraifí agus na táillí atá le híoc ag na húsáideoirí.';

(10) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Sonrófar sa choinbhinsiún:

- (a) ainm EGTC agus a oifig chláráithe;
- (b) an méid den chríoch ina bhféadfaidh EGTC a chúraimí a chur i gcrích;
- (c) cuspóir agus cúraimí EGTC;
- (d) fad EGTC agus na coinníollacha le haghaidh a dhíscailte;
- (e) liosta de chomhaltaí de chuid EGTC;
- (f) liosta de chomhlachtaí de chuid EGTC agus a n-inniúlachtaí faoi seach;
- (g) an dlí Aontais is infheidhme agus an dlí náisiúnta is infheidhme sa Bhallstát ina bhfuil a oifig chláráithe ag EGTC chun críochea an coinbhinsiún a léiriú agus a fhorfheidhmiú;
- (h) an dlí Aontais is infheidhme agus dlí náisiúnta is infheidhme an Bhallstáit ina ngníomhaíonn comhlachtaí de chuid EGTC;
- (i) na socrúithe do rannpháirtíocht comhaltaí ó thríú tíortha nó ó OCTanna más iomchuí lena n-áirítear sainaitheint an dlí is infheidhme i gcás ina ndéanann EGTC a chuid cúraimí a chur i gcrích i dtríú tíortha nó in OCTanna;

(j) an dlí Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme atá ábhartha go díreach do ghníomhaíochta EGTC a dhéantar faoi na cúraimí a shonraítear sa choinbhinsiún;

(k) na rialacha is infheidhme maidir le foireann EGTC, chomh maith leis na prionsabail a rialaíonn na socrúithe maidir le bainistíocht pearsanra agus nósanna imeachta earcaíochta pearsanra;

(l) na socrúithe maidir le dliteanas EGTC agus a chuid comhaltaí i gcomhréir le hAirteagal 12;

(m) na socrúithe iomchuí le haghaidh aitheantais fhrith-pháirtigh, lena n-áirítear maidir le rialú airgeadais bainistíochta cistí poiblí; agus

(n) na nósanna imeachta chun na reachtanna a ghlacadh agus chun an coinbhinsiún a leasú, ar nósanna iad lena ndéanfar na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 4 agus in Airteagal 5 a chomhlíonadh.

3. Sa chás nach mbaineann cúraimí EGTC ach le bainistiú cláir chomhair, agus leis sin amháin, nó sa chás nach mbaineann cúraimí EGTC ach le bainistiú cuid de chlár comhair, agus leis sin amháin, faoi Rialachán (AE) Uimh. 1299/2013, nó i gcás ina mbaineann EGTC le comhar idir-réigiúnach nó le gréasáin idir-réigiúnacha, ní bheidh gá le faisnéis faoi phointe (b) de mhír 2.';

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

'Airteagal 9

Reachtanna

1. Déanfaidh comhaltaí EGTC, ag gníomhú dóibh d'aontoil, reachtanna EGTC a ghlacadh ar bhonn an choinbhinsiúin agus i gcomhréir leis.

2. Sonrófar na nithe seo a leanas, ar a laghad, i reachtanna EGTC:

- (a) forálacha oibríochta a chomhlachtaí agus inniúlachtaí na gcomhlachtaí sin, chomh maith le líon ionadaithe na gcomhaltaí sna comhlachtaí ábhartha;
- (b) a nósanna imeachta cinnteoireachta;
- (c) a theanga nó a theangacha oibre;
- (d) na socrúithe maidir lena fheidhmiú;
- (e) a nósanna imeachta maidir le bainistíocht pearsanra agus earcaíocht;
- (f) na socrúithe maidir le ranníocaíochtaí a chomhaltaí;
- (g) na rialacha cuntasáíochta agus buiséadacha is infheidhme dá chomhaltaí;
- (h) iniúchóir seachtrach neamhspleách a chuntas a ainmniú; agus

(i) na nósanna imeachta chun a reachtanna a leasú, ar nósanna iad lena ndéanfar na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 4 agus in Airteagal 5 a chomhlíonadh.;

(12) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Beidh ullmhúchán a chuntas lena n-áirítear, i gcás inar gá, an tuarascáil bhliantúil a ghabhann leo agus iniúchadh agus foilsíú na gcontas sin á rialú ag dlí náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil a oifig chláráithe ag EGTC.;

(13) Leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

'Beidh EGTC faoi dhliteanas maidir lena chuid fiach ar fad.;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Gan dochar do mhír 3, a mhéid nach leor sócmhainní EGTC lena dhliteanas a chumhdach, beidh a chomhaltaí faoi dhliteanas maidir lena chuid fiach is cuma cineál na bhfiach sin, agus socrófar sciar gach comhalta i gcomhréir lena ranníocaíocht airgeadais. Socrófar na socrúithe maidir le ranníocaíochtaí airgeadais sna reachtanna.

Féadfaidh comhaltaí EGTC foráil a dhéanamh sna reachtanna go mbeidh siad le bheith faoi dhliteanas, tar éis dóibh scor de bheith ina gcomhaltaí EGTC, maidir le hoibleagáidí a eascraíonn as gníomhaíochtaí EGTC le linn a gcomhaltais.

2a. Má tá teorainn le dliteanas comhalta amháin ar a laghad d'EGTC ó Bhallstát mar thoradh ar an dlí náisiúnta faoina bhfuil sé bunaithe, féadfaidh na comhaltaí eile teorainn a chur lena ndlíteanas sa choinbhinsiún freisin sa chás go gcumasaíonn an dlí náisiúnta lena gcuirtear an Rialachán seo chun feidhme dóibh déanamh amhlaidh.

Áireofar an focal "teoranta" in ainm EGTC a bhfuil a chomhaltaí faoi dhliteanas teoranta.

Beidh na ceanglais maidir le foilsíú choinbhinsiún, reachtanna agus chuntais EGTC a bhfuil a chomhaltaí faoi dhliteanas teoranta ar a laghad cothrom leo sin a cheanglaítear a dhéanamh i gcás eintiteas dlíthiúil eile atá faoi dhliteanas teoranta faoi dhlíthe an Bhallstáit ina bhfuil a oifig chláráithe ag an EGTC sin.

I gcás EGTC a bhfuil dliteanas teoranta ag a chuid comhaltaí, féadfaidh aon Bhallstát lena mbaineann a cheangal ar EGTC árachas iomchuí a thógáil nó go mbeidh sé faoi réir ráthaíochta arna soláthar ag banc nó ag institiúid airgeadais eile arna bhunú nó arna bunú i mBallstát nó go mbeidh sé cúltacaíthe ag

saoráid a chuireann eintiteas poiblí nó Ballstát ar fáil mar ráthaíocht chun na rioscaí is sonracha do ghníomhaíochtaí EGTC a chumhdach.;

(14) in Airteagal 15(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'2. Ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo, beidh feidhm ag dlí an Aontais maidir le dlínse maidir le díospóidí lena bhfuil baint ag EGTC. In aon chás nach bhfuil foráil déanta ina leith i ndlí Aontais den sórt sin, is iad a bheidh sna cúirteanna inniúla le haghaidh díospóidí a réiteach cúirteanna an Bhallstáit ina bhfuil a oifig chláráithe ag EGTC.;

(15) Leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Déanfaidh Ballstáit cibé forálacha is iomchuí a ghlacadh chun cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú, lena n-áirítear maidir leis húdaráis inniúla atá freagrach as an nós imeachta formheasta a chinneadh i gcomhréir lena socrúithe dlíthiúla agus riaracháin.

I gcás ina gceanglaítear amhlaidh faoi théarmaí dlí náisiúnta Ballstáit, féadfaidh an Ballstát sin liosta cuimsitheach a bhunú de na cúraimí atá ar chomhaltaí EGTC de réir bhrí Airteagal 3(1) arna bhunú faoina dhlíthe cheana féin, a fhad is a bhaineann le comhar críochach laistigh den Bhallstát sin.

Cuirfidh an Ballstát aon fhorálacha arna nglacadh faoin Airteagal seo faoi bhráid an Choimisiúin, mar aon le haon leasuithe orthu. Déanfaidh an Coimisiún na forálacha sin a tharchur chuig na Ballstáit eile agus chuig Coiste na Réigiúin.;

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'1a. Na forálacha dá dtagraítear i mír (1), a mhéid a bhaineann siad le Ballstát a bhfuil nasc ag OCT leis, agus an caidreamh idir an Ballstát agus OCT sin á chur san áireamh, áiritheofar leo freisin cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo maidir le OCT sin, le Ballstáit eile atá i gcomharsanacht OCT sin nó le réigiúin is forimeallaí de chuid na mBallstát sin.;

(16) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 17:

'Airteagal 17

Tuarascáil

Faoin 1 Lúnasa 2018, cuirfidh an Coimisiún ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste na Réigiúin tuarascáil ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ina ndéanfar, bunaithe ar tháscairí, measúnú ar a éifeachtacht, a éifeachtúlacht, a ábharthacht, a bhreisluach Eorpach agus ar an scóip atá ann é a shimplíú.

Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17a lena leagtar síos an liosta de tháscairí dá dtagraítear sa chéad mhír.;

(17) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

'Airteagal 17a

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear sa dara mír d'Airteagal 17 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana ón 21 Nollaig 2013

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear sa dara mír d'Airteagal 17 Airteagal 17 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligeán na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

5. Ní thiofadh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun an dara mír d'Airteagal 17 Airteagal 17 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse trí mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú trí mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.!

Airteagal 2

Forálacha idirthrémhseacha

1. Ní bheidh oibleagáid ar EGTCanna a bunaíodh roimh 21 Nollaig 2013 a gcoimbhinsiún agus a reachtanna a ailfniú le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 arna leasú leis an Rialachán seo.

2. I gcás EGTCanna, ar tosaíodh nós imeachta faoi Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 ina leith roimh an 22 Meitheamh 2014 agus arb é an clárú nó an foilsiú amháin ina leith faoi Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 atá fós gan déanamh, clárófar nó foilseofar an coimbhinsiún agus na reachtanna, nó clárófar agus foilseofar iad, i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 amhail mar a bhí sular leasaíodh é leis an Rialachán seo.

3. Déanfar EGTCanna ar tosaíodh nós imeachta faoi Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 ina leith níos mó ná sé mhí roimh 22 Meitheamh 2014 a fhormheas i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 amhail mar a bhí sular leasaíodh é leis an Rialachán seo.

4. Déanfar EGTCanna seachas iad siúd faoi mhír 2 agus mhír 3 den Airteagal seo ar tosaíodh nós imeachta faoi Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 ina leith roimh an 22 Meitheamh 2014 a fhormheas i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 arna leasú leis an Rialachán seo.

5. Déanfaidh Ballstáit na leasuithe is gá ar na forálacha náisiúnta arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 16(1) de Rialachán (CE) 1082/2006 arna leasú leis an Rialachán seo a chur faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná an 22 Meitheamh 2014

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige amhail ón 22 Meitheamh 2014.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 17 Nollaig 2013.

Thar ceann Parlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
R. ŠADŽIUS

III. SONRAÍ BREISE MAIDIR LE HAINM NA GRÚPÁLA (*más infheidhme*)

Ainm as (<i>sonraigh, le do thoil, leagan iomchuí teanga</i>)												
BG	ES	CS	DA	DE	ET	EL	EN	FR	GA	HR	IT	LV
<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
LT	HU	MT	NL	PL	PT	RO	SK	SL	FI	SV	Eile: _____	
<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Ainm iomlán (<i>más infheidhme</i>): _____												
Ainm giorraithe (<i>más infheidhme</i>): _____												

----- Tá Roinn III le húsáid a mhíniche agus is gá -----

IV. COMHALTAÍ*

IV. 1) Líon iomlán na gcomhaltaí sa Ghrúpáil*: <input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/>

IV. 2) Faisnéis faoi na comhaltaí*		
Ainm oifigiúil*:		
Seoladh poist:		
Baile:	Cód Poist:	Tír*:
Pointe/Pointí Teagmhála:	Teileafón:	
Faoi bhráid:		
Seoladh ríomhphoist:	Facs:	
Seoladh/seoltaí gréasáin (<i>más infheidhme</i>)		

Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le múscailt feasachta agus Airteagal 4 agus 4a de Rialachán EGTC

Comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún iarracht a dhéanamh bheith níos comhordaithe i measc na n-institiúidí agus na mBallstát agus laistigh de na hinstitiúidí agus na Ballstáit d'fhonn feabhas a chur ar infheictheacht na bhféidearthachtaí atá ann EGTCanna a úsáid mar uirlis roghnach atá ar fáil don chomhar críochach i ngach réimse beartais AE.

Sa chomhthéacs seo, iarrann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar na Ballstáit go speisialta aghaidh a thabhairt ar ghníomhaíochtaí iomchuí comhair agus cumarsáide i measc na n-údarás náisiúnta agus idir údarais na mBallstát éagsúla d'fhonn nósanna imeachta soiléire, éifeachtúla agus trédhearcacha a áirithiú maidir le EGTCanna nua a údarú laistigh de na teorainneacha ama atá socraithe.

—

Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 1(9) de Rialachán EGTC

Comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, nuair atá Airteagal 9(2)(i) de Rialachán (AE) Uimh 1082/2006 á chur i bhfeidhm mar a leasaítear é, go bhféachfaidh na Ballstáit chuige, agus na rialacha is infheidhme á measúnú acu maidir le baill foirne EGTC mar a bheartaítear iad sa dréachtchoinbhinsiún, go mbreathnófar ar na roghanna éagsúla maidir le réimeas fostaíochta atá ar fáil a bheidh le roghnú ag EGTC, cibé faoin dlí príobháideach nó poiblí sin.

I gcás ina mbeidh conarthaí fostaíochta do bhaill foirne EGTC á rialú ag an dlí príobháideach, cuirfidh na Ballstáit dlí ábhartha AE san áireamh freisin, amhail Rialachán (CE) Uimh 593/2008 ó PE agus ón gComhairle an 17 Meitheamh i ndáil leis an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha (An Róimh I), mar aon leis an gcleachtas dlí a bhaineann leis sin sna Ballstáit eile a mbeidh ionadaithe ag feidhmiú thar a cheann in EGTC.

Tuigean Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún anuas air sin, i gcás ina mbeidh conarthaí fostaíochta do bhaill foirne EGTC á rialú ag an dlí poiblí, go mbeidh na rialacha náisiúnta maidir leis an dlí poiblí ón mBallstát ina bhfuil orgán EGTC faoi seach lonnaithe. Mar sin féin, féadfaidh na rialacha náisiúnta maidir leis an dlí poiblí áit a bhfuil EGTC cláraithe bheith i bhfeidhm maidir le baill foirne EGTC atá faoi réir na rialacha sin roimh bheith ina bhall foirne EGTC.

Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir leis an ról atá ag Coiste na Réigiún faoi chuimsiú ardán EGTC

Tugann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún dá n aire an obair thábhachtach atá á déanamh ag Coiste na Réigiún faoi chuimsiú ardán EGTC atá faoina stiúir agus spreagann siad Coiste na Réigiún gníomhaíochtaí EGTCanna atá ann faoi láthair a rianú mar aon le hiadsan atá á mbunú, malartú dea chleachtas a eagrú agus saincheisteanna coiteanna a aithint.

RIALACHÁN (AE) Uimh. 1303/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 17 Nollaig 2013

lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 177 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint do na tuairimí ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint do na tuairimí ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag féachaint do na tuairimí ón gCúirt Iniúchóirí ⁽³⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Ar mhaithe lena chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú, foráiltear le hAirteagal 174 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go bhfuil sé mar aidhm ag an Aontas na héagothromaíochtaí idir leibhéal forbartha na réigiún éagsúil agus cúlmlhaireacht na réigiún nó na n-oileán is mídheisiúla a laghdú, agus go bhfuil aird ar leith le tabhairt ar limistéir thuaithe, ar limistéir a bhfuil an trasdul tionsclaíoch ag dul dóibh, agus ar réigiúin a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha acu inter alia, na réigiúin is forimeallaí, na réigiúin is faide ó thuaidh a bhfuil dlús fíoriseal daonra iontu agus na réigiúin oileánacha, na réigiúin trasteorann agus na réigiúin shléibhteacha. Ceanglaítear le hAirteagal 175 CFAE go bhfuil an tAontas le tacú leis na cuspóirí sin a ghnóthú agus é ag gníomhú trí Roinn Treoraíochta an Chiste Eorpaigh um Threoraíocht agus Rátháíocht Talmhaíochta, trí Chiste Sóisialta na hEorpa, trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, tríd an mBanc Eorpach Infheistíochta agus trí ionstraimí eile.
- (2) Chun comhordú a fheabhsú agus cur chun feidhme a chomhchuíbhiú i gcás na gCistí a thugann tacaíocht faoi bheartas comhtháthaithe, eadhon, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Ciste Sóisialta na hEorpa

(CSE) agus an Ciste Comhtháthaithe, leis an gCiste le haghaidh forbartha tuaithe, eadhon, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), agus le haghaidh na hearnála muirí agus iascaigh, eadhon bearta arna maoiniú faoi bhainistíocht comhroinnte i dTeideal V den Chiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), ba cheart forálacha coiteanna a bhunú maidir leis na Cistí sin uile ("Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa" - "Cistí SIE"). Sa bhreis air sin, tá forálacha ginearálta sa Rialachán seo a bhfuil feidhm acu maidir le CFRE, le CSE, agus leis an gCiste Comhtháthaithe, ach nach bhfuil feidhm acu maidir le CETFT agus le CEMI chomh maith le forálacha ginearálta is infheidhme maidir le CFRE, le CSE, leis an gCiste Comhtháthaithe agus le CEMI, ach nach bhfuil feidhm acu maidir le CETFT. I ngeall ar na sainiúlachtaí a bhaineann le gach Ciste SIE, ba cheart rialacha sonracha is infheidhme maidir le gach Ciste SIE agus maidir le sprioc an chomhair chríocheaigh Eorpaigh faoi CFRE a shonrú i rialacháin ar leithligh.

- (3) I gcomhréir le conclúidí na Comhairle Eorpaí an 17 Meitheamh 2010, lenar glacadh Straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, ba cheart go gcuirfeadh an tAontas agus na Ballstáit seachadadh an fháis chliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach chun feidhme, agus forbairt chomhchuí an Aontais á cur chun cinn agus éagothromaíochtaí réigiúnacha á laghdú acu ag an am céanna. Ba cheart go mbeadh ról suntasach ag Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (Cistí SIE) maidir le baint amach chuspóirí de chuid straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach.
- (4) Maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT), tá sineirgí suntasacha bainte amach cheana féin trí rialacha bainistíochta agus rialaithe a bhaineann leis an gcéad cholún (CERT – an Ciste Eorpach um Rátháíocht Talmhaíochta) agus leis an dara colún (CETFT) den CBT a chomhchuíbhiú agus a ailíniú. Ba cheart an nasc láidir idir CERT agus CETFT a choimeád, dá bhrí sin, agus ba cheart na struchtúir atá ar bun cheana sna Ballstáit a chaomhnú.
- (5) Ba cheart go mbainfeadh na réigiúin is forimeallaí tairbhe as bearta éifeachtacha agus as cistiú breise leordhóthanach chun a staid shóisialta agus eacnamaíoch struchtúrach a fhritháireamh mar aon leis na míbhuntáistí a eascraíonn as na tosca dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE.
- (6) Ba cheart go rachadh bearta sonracha agus maoiniú breise chun tairbhe na réigiún tuaisceartach is lú daonra chun na míbhuntáistí móra nádúrtha nó déimeagrafacha dá dtagraítear in Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 6 a ghabhann le hIonstraim Aontachais 1994 a fhritháireamh.

⁽¹⁾ IO C 191, 29.6.2012, lch. 30, IO C 44, 15.2.2013, lch. 76 agus IO C 271, 19.9.2013, lch. 101

⁽²⁾ IO C 225, 27.7.2012, lch. 58 agus IO C 17, 19.1.2013, lch. 56.

⁽³⁾ IO C 47, 17.2.2011, lch. 1, IO C 13, 16.1.2013, lch. 1 agus IO C 267, 17.9.2013, lch. 1.

- (7) Chun léiriú beacht agus comhleanúnach na bhforálacha a áirithiú agus chun rannchuidiú le deimhneacht dhlíthiúil le haghaidh na mBallstát agus na dtairbhíthe, is gá téarmaí áirithe a úsáidtear sa Rialachán seo a shainmhíniú.
- (8) I gcás ina leagtar amach teorainn ama chun go bhféadfaidh an Coimisiún cinneadh a ghlacadh nó a leasú, i gcomhréir leis an Rialachán seo, níor cheart go n-áireofaí ar an teorainn ama chun cinneadh mar sin a ghlacadh nó a leasú an tréimhse a thosaíonn ar an dáta ar chuir an Coimisiún a bharrúlacha chuig an mBallstát agus a mhaireann go dtí go mbeidh freagra tugtha ag an mBallstát ar na barúlacha sin.
- (9) Tá cúig chuid sa Rialachán seo; cuid a haon ina leagtar amach an t-ábhar agus na sainmhínte, cuid a dó ina bhfuil na rialacha is infheidhme maidir le gach ceann de Chistí SIE, cuid a trí ina bhfuil na forálacha nach infheidhme ach maidir le CFRE, le CSE, agus leis an gCiste Comhtháthaithe (na "Cistí"), cuid a ceathair ina bhfuil na forálacha nach infheidhme ach maidir leis na Cistí agus le CEMI agus cuid a cúig ina bhfuil na forálacha críochnaitheacha. Chun léirmhíniú comhleanúnach ar na codanna éagsúla den Rialachán seo a áirithiú, agus freisin idir an Rialachán seo agus na Rialacháin Chiste-shonracha, tá sé tábhachtach go ndéanfaí na gaolmhaireachtaí éagsúla eatarthu a leagan amach go soiléir. Sa bhreis air sin, d'fhéadfadh rialacha sonracha a bhunaítear sna Rialacha Ciste-shonracha a bheith comhlántach ach níor cheart go maolódís ó fhorálacha an Rialacháin seo ach amháin a mhéid go bhforáiltear go sonrach do mhaolú den sórt sin sa Rialachán seo.
- (10) Faoi Airteagal 317 CFAE, agus i gcomhthéacs na bainistíochta comhroinnte, ba cheart na coinníollacha faoina gceadaítear don Choimisiún a fhreagrachtaí maidir le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a chur i ngníomh a shainiú agus ba cheart freagrachtaí comhair leis na Ballstáit a shoiléiriú. Ba cheart go gcuirfeadh na coinníollacha sin ar chumas an Choimisiúin deimhin a dhéanamh de go bhfuil na Ballstáit ag úsáid Chistí SIE ar mhodh dlíthiúil agus rialta agus i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ ('an Rialacháin Airgeadais'). Ba cheart do na Ballstáit ar an leibhéal críochach iomchuí, i gcomhréir lena gcreat institiúideach, dlíthiúil agus airgeadais agus na comhlachtaí arna n-ainmniú acu chun na críche sin a bheith freagrach as clár a ullmhú agus a chur chun feidhme. Ba cheart go n-áiritheodh na coinníollacha seo freisin go dtarraingeofar aird ar an ngá atá le comhlántacht agus comhsheasmhacht idirghabháil ábhartha an Aontais, chun prionsabal na comhréireachta a urramú agus chun an cuspóir foriomlán an t-ualach riaracháin a laghdú a chur san áireamh.
- (11) I gcás an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus gach clár faoi seach, ba cheart do gach Ballstát comhpháirtíocht a eagrú le hionadaithe ó na húdaráis inniúla

réigiúnacha, áitiúla, uirbeacha agus poiblí eile, le comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta, agus le comhlachtaí ábhartha eile a dhéanann ionadaíocht thar ceann na sochaí sibhialta, lena n-áirítear comhpháirtithe comhshaoil, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus comhlachtaí atá freagrach as comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, "brateagraíochtaí" na gcomhlachtaí, na n-údarás agus na gcomhlachtaí sin. Is é is cuspóir le comhpháirtíocht den sórt sin urramú phrionsabal an rialachais il-leibhéil a áirithiú, agus freisin prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta mar aon le sonraíochtaí chreataí éagsúla institiúideacha agus dlíthiúla na mBallstát, chomh maith le húinéireacht ag geallsealbhoirí ar idirghabhálacha atá beartaithe a áirithiú agus an taithe agus an saineolas atá ag gníomhaithe ábhartha a fhorbairt. Ba cheart go ndéanfaidh na Ballstáit na comhpháirtithe ábhartha is ionadaíche a shainithint. Ba cheart go n-áireofaí ar na comhpháirtithe sin institiúidí, eagraíochtaí agus grúpaí atá in ann tionchar a imirt ar an ullmhúchán nó a d'fhéadfadh ullmhúchán agus cur chun feidhme na gclár difear a dhéanamh dóibh. Sa chomhthéacs sin, ba cheart freisin go mbeadh na Ballstáit in ann a shainithint mar chomhpháirtithe ábhartha, i gcás inarb iomchuí, "brateagraíochtaí" ar comhlachais, cónaidhmeanna nó cónaidhmeanna d'údarás ábhartha réigiúnacha, áitiúla agus uirbeacha iad nó comhlachtaí eile i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta is infheidhme.

Ba cheart go gcumhachtófaí don Choimisiún gníomh tarmilgthe a ghlacadh lena ndéanfaí foráil maidir le cód iompair Eorpach chun tacú leis na Ballstáit agus a éascú dóibh i dtaca le comhpháirtíocht a eagrú a mhéid a bhaineann lena áirithiú go mbeidh na comhpháirtithe ábhartha rannpháirteach, ar shlí chomhsheasmhach, in ullmhú agus i gcur chun feidhme na gComhaontuithe Comhpháirtíochta agus na gclár, agus i bhfaireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu. Níor cheart, in imthosca ar bith agus ar aon slí a ndéanfaí é a léiriú, go mbeadh éifeacht cúlghabhálach ag an ngníomh tarmilgthe sin a ghlacfar nó go mbeadh an gníomh sin mar bhonn do mhírialtachtaí a bhunú as a leanfadh ceartúcháin airgeadais. Níor cheart go sonródh an gníomh tarmilgthe a ghlactar dáta cur i bhfeidhm atá níos luaithe ná an dáta a ndéanfar é a ghlacadh. Ba cheart, leis an ngníomh tarmilgthe a ghlactar, go gceadófaí do na Ballstáit na socrúithe mionsonraithe is oiriúnaí a chinneadh chun an chomhpháirtíocht a chur chun feidhme i gcomhréir lena gcreataí institiúideacha agus dlíthiúla chomh maith lena n-inniúlachtaí náisiúnta agus réigiúnacha, ar choinníoll go ndéanfar cuspóirí an ghnímh sin, mar a leagtar amach sa Rialachán seo iad, a bhaint amach.

- (12) Ba cheart go ndéanfaidh gníomhaíochtaí Chistí SIE agus na hoibríochtaí lena dtacaíonn siad dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta gaolmhar is infheidhme a bhfuil an Rialachán seo agus na rialacha Ciste-shonracha á gcur i bhfeidhm acu go díreach nó go hindíreach.

- (13) I gcomhthéacs a iarrachta comhtháthú eacnamaíoch, críochach agus sóisialta a mhéadú, ba cheart don Aontas, ag gach céim de chur chun feidhme Chistí SIE, díriú ar neamh-chomhionannas a dhíothú agus ar chomhionannas idir fir agus mná a chur chun cinn agus

⁽¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1)

gné na hinscne a chomhtháthú, chomh maith le hidirdhealú bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar threoshuíomh gnéasach a chomhrac, faoi mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), in Airteagal 10 CFAE agus in Airteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpach, agus inrochtaineacht do dhaoine atá faoi míchumas go háirithe á cur i gcuntas, mar aon le hAirteagal 5(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha lena bhforáiltear nach ndéanfar iallach a chur ar aon duine saothar éignithe nó éigeantach a dhéanamh.

- (14) Ba cheart cuspóirí Chistí SIE a shaothrú faoi chuimsiú na forbartha inbhuanaithe agus faoi chuimsiú mar a dhéanann an tAontas cur chun cinn ar an aidhm maidir le cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú de réir mar a leagtar amach in Airteagal 11 agus Airteagal 191(1) CFAE, agus an prionsabal 'íoc mar a thruaillítear' á chur san áireamh ag an am céanna. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit faisnéis a sholáthar faoin tacaíocht a thugtar do chuspóirí i leith an athraithe aeráide i gcomhréir leis an uailmhian 20 % ar a laghad de bhuiséad an Aontais a chaitheamh ar na cuspóirí sin agus úsáid á baint as modheolaíocht a bhunaítear ar na catagóirí idirghabhála, na réimsí fócais nó ar na bearta arna glacadh ag an gCoimisiún trí bhithin gnímh cur chun feidhme lena léirítear prionsabal na comhréireachta.
- (15) D'fhonn rannchuidiú le straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, chomh maith leis na misin Chiste-shonracha de bhun a gcuspóirí atá bunaithe ar na Conarthaí, lena n-áirítear comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, ba cheart an tacaíocht ó Chistí SIE a dhírú ar líon teoranta cuspóirí téamacha coiteanna. Ba cheart an raon feidhme beacht a bheidh le gach ceann ar leith de Chistí SIE a leagan amach i rialacha Ciste-shonracha. Ba cheart go bhféadfaí an raon feidhme sin a theorannú do roinnt de na cuspóirí téamacha arna sainiú sa Rialachán seo, agus do roinnt díobh amháin.
- (16) Ar mhaithe le rannchuidiú Chistí SIE a uasmhéadú agus treoiphriomsabail straitéiseacha a bhunú chun éascú a dhéanamh ar an bpróiseas cláregraithe ar leibhéal na mBallstát agus na réigiún, ba cheart Comhchreat Straitéiseach (CS) a bhunú. Ba cheart do CS an comhordú earnála agus críochach a éascú maidir le hidirghabháil an Aontais faoi Chistí SIE agus le beartais agus le hionstraimí ábhartha eile de chuid an Aontais ar shlí a bheadh ag teacht le spriocanna agus cuspóirí straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, agus na príomhdhúshláin chríochacha na gcineálacha éagsúla críoch á gcur san áireamh.
- (17) Ba cheart, dá bhrí sin, a leagan amach in CS an bealach a mbeidh Cistí SIE le rannchuidiú le cuspóirí agus spriocanna straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, na socrúithe chun comhordú a dhéanamh idir na Cistí agus beartais ábhartha eile Aontais, prionsabail chothrománacha agus cuspóirí beartais trasearnálacha chun Cistí SIE a chur chun feidhme, na socrúithe chun aghaidh a thabhairt ar

na príomhdhúshláin chríochacha agus ar réimsí tosaíochta gníomhaíochtaí comhair faoi Chistí SIE.

- (18) Tá méadú ag teacht ar na dúshláin atá ann do Bhallstáit agus ar dúshláin iad a bhaineann leis an tionchar atá ag an domhandú, ag buarthaí comhshaoil agus fuinnimh, ag aosú an daonra agus iomlaoidí déimeagrafacha, ag éilimh in athrú teicneolaíochta agus i nuálaíocht, agus ag éagthromaíocht shóisialta. I ngeall ar a chasta agus a idirghaolmhaire atá dúshláin den sórt sin, ba cheart gur de chineál comhtháite, ilearnálach agus iltoiseach a bheadh na réitigh a fhaigheann tacaíocht ó Chistí SIE. Sa chomhthéacs sin, agus chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht na mbeartas a mhéadú, ba cheart go mbeadh sé indéanta Cistí SIE a chumasc le chéile i bpacáistí lánpháirtithe atá sainoiriúnaithe do riachtanais chríochacha shonracha.
- (19) An cumasc de dhaoine oibre atá ag laghdú agus de mhéadú ar an gcion de dhaoine sa daonra trí chéile atá ar scor chomh maith leis na fadhbanna a bhaineann le scaipeadh daonra, táthar ag súil go leanfaidh an cumasc sin de straidhn a chur, inter alia, ar struchtúir tacaíochta oideachais agus sóisialta na mBallstát agus ar an tslí sin ar chuma iomaíochta eacnamaíche an Aontais. Tá oiriúnú d' hathruithe deimeagrafacha den sórt sin ar cheann de na croí-dhúshláin a bheidh ag na Ballstáit agus na réigiúin sna blianta amach romhainn, agus ar an ábhar sin ba cheart iad a bhreithniú ar leibhéal sách ard a mhéid a bhaineann leis na réigiúin is mó a ndéanann athruithe deimeagrafacha difear dóibh.
- (20) Ar bhonn CS, ba cheart do gach Ballstát, i gcomhar lena chomhpháirtithe de réir mar a thagraítear dóibh in Airteagal 5 den Rialachán seo, agus i gcomhphlé leis an gCoimisiún, Comhaontú Comhpháirtíochta a ullmhú. Ba cheart don Chomhaontú Comhpháirtíochta na heilimintí a leagtar amach sa Chomhchreat Straitéiseach a thabhairt isteach sa chomhthéacs náisiúnta agus ceangaltais dhaingne a leagan amach maidir le cuspóirí an Aontais a ghnóthú trí chláraegrú Chistí SIE. Ba cheart go leagfaí amach sa Comhaontú Comhpháirtíochta socrúithe chun ailíniú a áirithiú le straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach chomh maith le misin Chiste-shonracha de bhun a gcuspóirí a bheidh bunaithe ar an gConradh, socrúithe chun cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil Chistí SIE a áirithiú agus socrúithe le haghaidh phriomsabal na comhpháirtíochta agus cur chuige comhtháite maidir le forbairt chríochach. Ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir eilimintí bunriachtanacha an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta atá faoi réir cinnidh ón gCoimisiún agus eilimintí eile nach bhfuil faoi réir cinnidh ón gCoimisiún agus a bhféadfaidh an Ballstát iad a leasú. Caithfear socrúithe sonracha a bheartú maidir le tíolacadh agus glacadh an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus na gclár más rud é go gcuirfear moill ar theacht i bhfeidhm Rialacháin Chiste-shonraigh amháin nó níos mó nó más rud é go bhfuiltear ag súil le moill a bheith ann. Éilítear leis an méid sin go ndéanfaí forálacha a bhunú a cheadódh tíolacadh agus glacadh an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta, fiú in éagmais eilimintí áirithe i ndáil le Ciste SIE nó le Cistí SIE a ndéanfaidh an mhoill difear dó/dóibh, agus tíolacadh níos déanaí Comhaontaithe Comhpháirtíochta athbhreithnithe tar éis teacht i bhfeidhm an Rialacháin Chiste-shonraigh mhoillithe nó na Rialachán

Ciste-shonrach moillithe. Ós rud é nár cheart na cláir arna gcomhaoiniú ag an gCiste SIE a ndéanfaidh an mhoill difear dóibh a thíolacadh agus a ghlacadh sa chás seo ach amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin Chiste-shonraigh lena mbaineann, ba cheart freisin sprioc-amanna iomchuí a leagan síos maidir le tíolacadh na gclár a ndéanfar difear dóibh.

- (21) Ba cheart do na Ballstáit a gcuid tacaíochta a chomhchruinniú chun rannchuidiú suntasach le gnóthú chuspóirí an Aontais a áirithiú, i gcomhréir lena riachtanais forbartha shonracha náisiúnta agus réigiúnacha. Ba cheart coinníollachtaí ex ante mar aon le critéir oibiachtúla a choimre agus chuimsitheacha i gcomhair a measúnaithe a shainiú, lena áirithiú go bhfuil réamhriachtanais a bhfuil gá leo chun tacaíocht an Aontais a úsáid go héifeachtach agus go héifeachtúil i bhfeidhm. Chuige seo, níor cheart go mbeadh feidhm ag coinníollacht ex ante maidir le tosaíocht cláir ar leith ach amháin sa chás go bhfuil nasc díreach agus dlís aige le sainchuspóir do thosaíocht infheistíochta nó do thosaíocht Aontais a bhaint amach ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil agus tionchar díreach aige air, ós rud é nach gá go bhfuil gach sainchuspóir nasctha le coinníollacht ex ante a leagtar síos sna rialacha Ciste-shonracha. Ba cheart go dtabharfaí i gcuntas sa mheasúnú ar infheidhmeacht coinníollachta ex ante prionsabal na comhréireachta maidir leis an leibhéal tacaíochta arna leithdháileadh, i gcás inarb iomchuí. Ba cheart don Bhallstát measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na goceinníollachtaí ex ante is infheidhme faoi chuimsiú ullmhú na gclár agus, i gcás inarb iomchuí, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta. Ba cheart go ndéanfaidh an Coimisiún comhsheasmhacht agus leordhóthanacht na faisnéise arna soláthar ag an mBallstát a fhíorú. I gcásanna go mainnítear coinníollachta ex ante is infheidhme a chomhlíonadh laistigh den spriocdháta a leagtar síos, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún íocaíochta eatraimh le tosaíochtaí ábhartha an chláir a fhionraí faoi choinníollacha a shainítear go mionchruinn.
- (22) Ba cheart go ndéanadh an Coimisiún, in 2019, athbhreithniú ar fheidhmíocht, bunaithe ar chreat feidhmíochta agus i gcomhar leis na Ballstáit. Ba cheart an creat feidhmíochta a shainiú maidir le gach clár d'fhonn faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta feadh chlárthréimhse 2014 - 2020 ("an chlárthréimhse") maidir leis na cuspóirí agus na spriocanna a shocraítear do gach tosaíocht. Chun a áirithiú nach n-úsáidfear buiséad an Aontais go diomailteach ná go neamhéifeachtúil, i gcás ina bhfuil fianaise ann gur mhainnigh tosaíocht, ar bhealach tromchúiseach, na garspriocanna a bhaineann le táscairí airgeadais, le táscairí aschuir agus le príomhchéimeanna cur chun feidhme a leagtar amach sa chreat feidhmíochta a ghnóthú i ngeall ar laigí cur chun feidhme sainaitheanta go soiléir a chuir an Coimisiún in iúl roimhe sin agus gur mhainnigh an Ballstát an ghníomhaíocht cheartaitheach is gá a dhéanamh, ba cheart go mbeadh ar chumas an Choimisiúin íocaíochtaí leis an gclár a fhionraí nó, ag deireadh na clárthréimhse ceartuithe airgeadais a chur i bhfeidhm. Le cur i bhfeidhm na gceartuithe airgeadais, ba cheart a chur san áireamh, agus urraim chuí á tabhairt do phrionsabal na coimhdeachta, an leibhéal ionsúcháin agus dálaí seachtracha a rannchuidigh leis an mainneachtain. Níor cheart ceartuithe airgeadais a chur

i bhfeidhm i gcás nár baineadh amach spriocanna i ngeall ar an tionchar atá ag imthosca socheacnamaíochta nó comhshaoil, i ngeall ar athruithe suntasacha i ndálaí eacnamaíochta nó comhshaoil i mBallstát nó i ngeall ar chúiseanna force majeure a dhéanann difear mór do chur chun feidhme na dtosaíochtaí lena mbaineann. Níor cheart táscairí toraidh a chur san áireamh chun críocha fionraithe nó ceartuithe airgeadais.

- (23) Chun go n-éascófaí an fócas ar fheidhmíocht agus ar bhaint amach chuspóirí straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, ba cheart cúlchiste feidhmíochta a bheidh comhdhéanta de 6 % den leithdháileadh iomlán do sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post, agus freisin do CETFT agus do bhearta a mhaoinítear faoin mbainistíocht comhroinnte i gcomhréir le gníomh Aontais todhcháí lena mbunaítear na coinníollacha i ndáil leis an tacaíocht airgeadais le haghaidh beartais mhuirí agus iascaigh do chlárthréimhse 2014-2020 ('Rialachán CEM') a bhunú do gach Ballstát. De bharr na héagsúlachta agus na gné iltire a bhaineann leo, níor cheart aon chúlchiste feidhmíochta a bheith ann le haghaidh na gclár faoi sprioc an chomhair críocheaigh Eorpaigh. Na hacmhainní a leithdháiltear ar an Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg (TFAO), mar a shainmhínítear sa chlár oibríochtaí i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ (Rialachán CSE); ar chúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún; aistrithe ó Cholún 1 de CBT chuig CETFT faoi Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾; aistrithe chuig CETFT de bhun na bhforálacha maidir le coigeartú deonach na n-íocaíochtaí díreacha in 2013 agus maidir le haistrithe chuig CETFT, a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle⁽³⁾ i ndáil le blianta féilire 2013 agus 2014; aistrithe chuig an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa ón gCiste Comhtháthaithe i gcomhréir le hAirteagal 92(6); aistrithe chuig an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí, mar a shainítear i ngníomh Aontais todhcháí, i gcomhréir le hAirteagal 92(7); agus gníomhaíochtaí nuálacha le haghaidh forbairt uirbeach inbhuanaithe i gcomhréir le hAirteagal 92(8), ba cheart iad a eisiáil chun críche an cúlchiste feidhmíochta a ríomh.
- (24) Tá gá le nasc níos dlúithe idir an beartas comhtháthaithe agus rialachas eacnamaíoch an Aontais d'fhonn a áirithiú go mbeidh beartais fhóna eacnamaíochta mar bhuntaca do chaiteachas a bheidh éifeachtach faoi Chistí SIE agus gur féidir Cistí SIE a atreorú más gá chun aghaidh a

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le gCiste Sóisialta na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006; (Féach leathanach 470 den Iris Oifigiúil seo)

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 (Féach leathanach 608 den Iris Oifigiúil seo)

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle an 19 Eanáir 2009 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le scéimeanna um thacaíocht dhíreach faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus lena mbunaítear scéimeanna tacaíochta d'fheirmeoirí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005, Rialachán (CE) Uimh. 247/2006, Rialachán (CE) Uimh. 378/2007 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 (IO L 30, 31.1.2009, lch. 16).

thabhairt ar na fadhbanna eacnamaíocha atá i ndán do Bhallstát. Faoin gcéad sraith de bhearta a nascann éifeachtacht Chistí SIE le rialachas eacnamaíoch fóna, ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann leasuithe a iarraidh ar an gComhaontú Comhpháirtíochta agus ar na cláir d'fhonn tacú le moltaí ábhartha ón gComhairle a chur chun feidhme nó chun an leas is fearr is féidir a bhaint as tionchar an fháis agus an iomaíochais atá ag Cistí SIE atá ar fáil áit a mbeidh cúnamh ábhartha airgeadais á fháil ag na Ballstáit. Níor cheart ath-chlársceidealú a úsáid ach amháin i gcásanna ina bhféadfadh sé tionchar díreach a bheith aige ar cheartú na ndúshlán a aithneofar sna moltaí ábhartha ón gComhairle faoi shásraí an rialachais eacnamaíoch d'fhonn ath-chlársceidealú rialta a sheachaint a bheadh ag cur isteach ar intuathacht maidir le bainistiú cistí. Faoin dara sraith de bhearta a nascann éifeachtacht Chistí SIE le rialachas eacnamaíoch fóna, i gcás nach ndéanfaidh Ballstát beart éifeachtach i gcomhthéacs phróiseas an rialachais eacnamaíoch, ba cheart don Choimisiún togra a chur faoi bhráid na Comhairle cuid dá ngealltanais nó dá n-íocaíochtaí nó iad ar fad a chur ar fionraí maidir leis na cláir don Bhallstát sin. Beidh gá le nósanna imeachta éagsúla a bhunú chun gealltanais agus focaíochtaí a chur ar fionraí. Mar sin féin, sa dá chás, agus togra á chur i gcrích maidir le fionraí, ba cheart don Choimisiún gach faisnéis is ábhartha a chur san áireamh agus aird chuá a thabhairt ar aon ghnéithe a eascróidh as an idirphlé struchtúrtha le Parlaimint na hEorpa nó ar aon tuairimí a léireofar san idirphlé sin.

Ba cheart go mbeadh raon feidhme agus leibhéal fionraí comhréireach agus éifeachtach, agus go n-urramófaí cóir chomhionann idir na Ballstáit. Thairis sin, ba cheart cúinsí eacnamaíocha agus sóisialta an Bhallstáit lena mbaineann a chur san áireamh leis an bhfionraí mar aon leis an tionchar eacnamaíoch foriomlán a d'fhéadfadh a bheith ar an mBallstát de bharr na gcéimeanna éagsúla a bhaineann leis an nós imeachta maidir le heasnamh iomarcach (EDP) agus leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha (EIP).

- (25) De bhua Phrótaéal Uimh. 15 maidir le forálacha áirithe a bhaineann le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl forálacha áirithe i ndáil leis an nós imeachta um easnamh iomarcach agus le forálacha gaolmhara le bheith infheidhme maidir leis an Ríocht Aontaithe. Níor cheart, dá bhrí sin, go mbeadh feidhm ag forálacha i ndáil leis na híocaíochtaí agus na gealltanais uile, nó cuid díobh, a fhionraí maidir leis an Ríocht Aontaithe.
- (26) Bunaithe ar an tábhacht a bhaineann leis an bprionsabal cómhaoinithe maidir le Cistí ESI a chur chun feidhme d'fhonn úinéireacht na mbeartas ar an talamh a áirithiú, ar aon dul le cur i bhfeidhm comhréireach na bhfionraí, ba cheart go ndéanfaí aon chinneadh maidir le fionraí a tharlóidh faoin dara sraith a nascann éifeachtacht Chistí SIE le rialachas eacnamaíoch fóna agus ceanglais shonracha is infheidhme maidir leis an mBallstát lena mbaineann á gcur san áireamh chun cómhaoiniú a

chur ar fáil do na cláir atá á maoiniú ó Cistí ESI. Ba cheart na fionruithe a bhaint agus cistí a chur ar fáil don Bhallstát lena mbaineann arís a luaithe is a dhéanfaidh an Ballstát an beart is gá.

- (27) Ba cheart na Cistí SIE a chur chun feidhme trí chlár lena gcumhdaítear an chlárthréimhse i gcomhréir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta. Ba cheart go ndéanfaidh na Ballstáit clár a tharraingt suas agus a bheadh bunaithe ar nósanna imeachta trédhearcacha á leanúint acu trédhearcach, i gcomhréir le lena gcreat institiúideach agus dlíthiúil gach Ballstáit. Ba cheart go n-oibreodh na Ballstáit agus an Coimisiún i gcomhar lena chéile chun comhordú agus comhsheasmhacht na socruithe cláregraithe do na Cistí Chistí SIE a áirithiú. Ós rud é go bhfuil dlúthbhaint ag inneachar na gclár le hinneachar an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta, ba cheart na cláir a thíolacadh laistigh de thrí mhí tar éis an Comhaontú Comhpháirtíochta a thíolacadh. Ba cheart foráil a dhéanamh do spriocdháta de naoi mí ó i ndiaidh dháta curtheacht i bhfeidhm an Rialacháin seo chunmaidir le cláir faoi sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh a thíolacadh, chun d'fhonn an ghné ilnáisiúnta a bhaineann leis na cláir sin a chur san áireamh. Ba cheart, go háirithe, idirdhealú a dhéanamh idir croíghnéithe an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus na gclár cláir ba cheart a bheith faoi réir cinnidh ón gCoimisiún agus gnéithe eile nach gcuimsítear sa chinneadh leis an gcinneadh ón gCoimisiún agus is féidir a leasú faoi fhreagracht an Bhallstáit. Ba cheart go n-áiríteodh an cláregrú comhsheasmhacht leis an le CS agus leis an gComhaontú Comhpháirtíochta, chomh maith le comhordú idir na Cistí SIE agus le hionstraimí cistiúcháin eile atá ann agus le hionchur ón mBanc Eorpach Infheistíochta, más ábhartha.
- (28) D'fhonn comhchuibheas a áirithiú idir cláir a fhaigheann tacaíocht faoi Chistí éagsúla SIE, go háirithe i gcomhthéacs a áirithiú go rannchuidíonn siad le straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, is gá go leagfar amach íoscheanglais choiteanna maidir le hinneachar na gclár, a fhéadfar a chomhlánú le rialacha Ciste-shonracha chun cineál sonrath gach Ciste SIE a chur san áireamh.
- (29) Is gá nósanna imeachta soiléire a leagan síos chun na cláir ón gCoimisiún a mheas, a ghlacadh agus a leasú. D'fhonn comhsheasmhacht a áirithiú idir an Comhaontú Comhpháirtíochta agus na cláir, ba cheart a shonrú nach ndéanfaí cláir a fhormheas, seachas na cláir faoi sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh, sula gcinneadh an Coimisiún go ndéanfar an Comhaontú Comhpháirtíochta a fhormheas. Chun an t-ualach riaracháin a laghdú do na Ballstáit, ba cheart go dtarlódh leasú uathoibríoch ar na codanna áirithe den Chomhaontú Comhpháirtíochta de bharr leasú chodanna áirithe na gclár a fhormheas. Thairis sin, ba cheart a áirithiú go mbainfeadh leas as na hacmhainní a leithdháiltear ar TFAO láithreach bonn, trí rialacha speisialta a bhunú don nós imeachta maidir leis na cláir thiomnaithe oibríochtúla do TFAO dá dtagraítear i Rialachán CSE a thíolacadh agus a fhormheas.

- (30) Chun an breisluach is fearr a fháil ó infheistíochtaí a chistítear go hiomlán nó go páirteach trí bhuiséad ginearálta an Aontais i réimse an taighde agus na nuálaíochta, ba cheart sineirgí a lorg go háirithe idir oibriú Chistí SIE agus Fís 2020 mar a chuirtear ar bun é i Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ agus a gcuspóirí sonracha á n-urramú ag an am céanna. Ar na heochairshásraí chun na sineirgí sin a ghnóthú, ba cheart go mbeadh rátaí comhréidhe a aithint i gcomhair costas incháilithe ó Fhís 2020 i gcomhair oibríochta comhchosúla agus tairbhí comhchosúil agus an fhéidearthacht cistiú a nascadh ó ionstraimí éagsúla Aontais, lena n-áirítear Cistí SIE agus Fís 2020, san oibríocht chéanna fad a bhíonn maoiniú dúbailte á sheachaint. Chun acmhainneachtaí taighde agus nuálaíochta na ngníomhairí náisiúnta agus réigiúnacha a neartú agus chun an sprioc maidir le "Staighre i dtreo barr feabhais" a thógáil i réigiúin bheagfhorbartha agus i mBallstáit agus réigiúin a bhfuil ísealchaighdeán acu maidir le Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht (TFN), ba cheart dlúthshineirgí a fhorbairt idir Cistí SIE agus Fís 2020 i ngach clárthosaíocht ábhartha.
- (31) Le CFAE, cuireadh comhtháthú críochach le spriocanna an chomhtháthaithe eacnamaíoch agus shóisialta, agus is gá aghaidh a thabhairt ar an ról atá ag cathracha, ag limistéir gheografacha fheidhmiúla agus ag limistéir fhoréigiúnacha a bhfuil fadhbanna geografacha agus déimeagrafacha ar leith le sárú acu. Chuige sin, agus chun leas níos fearr a bhaint as acmhainneacht ar an leibhéal áitiúil, is gá forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail a neartú agus a éascú trí chomhrialacha a leagan síos agus dlúthchomhordú a áirithiú maidir le gach ceann de Chistí SIE ábhartha. Ba cheart go gcuirfí san áireamh le forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail na riachtanais áitiúla agus an acmhainneacht áitiúil, chomh maith leis na saintréithe soch-chultúrtha ábhartha. Mar phrionsabal bunúsach, ba cheart an fhreagracht as straitéisí um fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail a cheapadh agus a chur chun feidhme a thabhairt do ghrúpaí gníomhaíochta áitiúla a dhéanann ionadaíocht thar ceann leasanna an phobail. Maidir leis na socruithe mionsonraithe i dtaca le limistéar agus daonra a chuimsítear sna straitéisí forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail a shainmhíniú, ba cheart iad a leagan amach sna cláir ábhartha i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha.
- (32) Chun cur chuige sodhéanta maidir lena chomhtháthú isteach sa phróiseas cláregraithe a éascú, féadfar forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail a chur i gcrích faoi chuspóir téamach amháin, bíodh sé chun cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus bochtaineacht a chomhrac, nó fostaíocht agus soghluaisteacht an lucht saothair a chur chun cinn, d'ainneoin go bhféadfadh sé go rannchuideoidh gníomhaíochtaí arna maoiniú mar chuid d'fhorbairt áitiúil le gach cuspóir téamach eile.
- (33) I gcás ina bhfuil cur chuige comhtháite de dhíth i dtaca le straitéisí forbartha críocháil nó uirbí, i ngeall go mbaineann sí le hinfeistíochtaí faoi níos mó ná ais tosaíochta amháin de chlár oibríochtuil amháin nó níos mó, ba cheart go mbeadh sé indéanta gníomhaíocht a fhaigheann tacaíocht ó na Cistí, a bhféadfaí í a chomhlánú le tacaíocht airgeadais ó CETFT nó ó CEMI, a dhéanamh i bhfoirm infheistíochta comhtháite críocháil laistigh de chlár oibríochtuil nó de chlár oibríochtuil.
- (34) Tá ionstraimí airgeadais ag éirí níos tábhachtaí i ngeall ar an éifeacht luamhánaithe a bhíonn acu ar Chistí SIE, i ngeall ar a gcumas cineálacha éagsúla acmhainní poiblí agus príobháideacha a chomhcheangal chun tacú le cuspóirí beartais phoiblí, agus i.ós rud é go ndéanann cineálacha imrothlacha airgeadais tacaíocht den sórt sin níos inbhuanaithe go fadtéarmach.
- (35) Ba cheart ionstraimí airgeadais a fhaigheann tacaíocht ó Chistí SIE a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais mhargaidh ar mhodh atá éifeachtach ó thaobh costais de, i gcomhréir le cuspóirí na gélar, agus níor cheart dóibh maoiniú príobháideach a phlódú. Ba cheart an cinneadh chun na bearta tacaíochta a mhaoiniú trí bhíthin ionstraimí airgeadais a chinneadh, dá bhrí sin, ar bhonn measúnaithe ex ante a bhfuil fianaise ar theipeanna sa mhargadh nó cásanna infheistíochta fo-optamacha agus leibhéal measta agus raon feidhme na riachtanais infheistíochta poiblí bunaithe aige. Ba cheart gnéithe sár-riachtanacha na measúnuithe ex ante a shainiú go soiléir sa Rialachán seo. I bhfianaise chineál sonracha an mheasúnaithe ex ante, ba cheart forálacha a dhéanamh lena gceadaítear go ndéanfaí an measúnú ex ante i gcéimeanna agus go ndéanfaí athbhreithniú agus nuashonrú freisin ar an measúnú ex ante agus é á chur chun feidhme.
- (36) Ba cheart ionstraimí airgeadais a cheapadh agus a chur chun feidhme ionas go ndéanfaí rannpháirtíocht shuntasach infheisteoirí na hearnála príobháidí agus institiúidí airgeadais a chur chun cinn ar bhonn cuí roinnte rioscaí. Le bheith tarraingteach a dhóthain don earnáil phríobháideach, tá sé bunriachtanach go ndéanfar ionstraimí airgeadais a cheapadh agus a chur chun feidhme ar mhodh solúbtha. Ba cheart d'údarais bhainistíochta, dá bhrí sin, cinneadh a dhéanamh maidir leis na foirmeacha is iomchuí chun na hionstraimí airgeadais a chur chun feidhme d'fhonn aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na spriocreigiún, i gcomhréir le cuspóirí an chlár ábhartha, le torthaí an mheasúnaithe ex ante agus na rialacha Státchabhrach is infheidhme. Sa chás inarb infheidhme, ba cheart go n-áireofaí leis an tsolúbthacht sin go bhféadfaí cuid de na hacmhainní a íocadh le linn na tréimhse incháilitheachta a athúsáid chun foráil do luach saothair fabhrach a thabhairt d'infheisteoirí príobháideacha nó d'infheisteoirí poiblí atá ag oibriú faoi phrionsabal an gheilleagair margaidh. Ba cheart go gcuirfí caighdeáin an mhargaidh san áireamh sa luach saothair fabhrach sin agus a áirithiú go bhfuil aon Státchabhair i gcomhréir leis an dlí Aontais agus náisiúnta is infheidhme agus go bhfuil sí teoranta don íosmhéid is gá chun an easpa caipitil phríobháidigh a chúiteamh lena gcuirtear san áireamh cliseadh sa mhargadh nó cásanna infheistíochta fo-optamacha.

(1) Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís 2020 - an Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE. (Féach leathanach 104 den Iris Oifigiúil seo)

- (37) Chun saintréith in-aisíochta na tacaíochta a sholáthraítear trí ionstraimí airgeadais a chur san áireamh agus chun iad a ailíniú le cleachtais mhargaidh, ba cheart go bhféadfadh tacaíocht ó Chistí SIE a sholáthraítear d'fhaighteoirí deiridh i bhfoirm infheistíochtaí cothromais nó cuasachothromais, iasachtaí nó ráthaíochtaí, nó ionstraimí roinnte rioscaí eile, iomlán na n-infheistíochtaí arna ndéanamh ag faighteoirí deiridh a chumhdach, gan idirdhealú ó chostais atá gaolmhar le CBL. Dá réir sin, ba cheart gur i gcásanna ina ndéantar ionstraimí airgeadais a chónascadh le deontais, agus sna cásanna sin amháin, a bheadh an chaoi a gcuirtear CBL san áireamh ar leibhéal an fhaighteora deiridh ábhartha chun incháilitheacht an chaiteachais a bhaineann le deontas a chinneadh.
- (38) D'fhéadfadh sé a bheith inchosanta i gcás nach nginfidh codanna áirithe d'infheistíocht fáltais airgeadais dhíreacha ionstraimí airgeadais a chomhcheangal le tacaíocht deontais, sa mhéid a cheadaítear faoi na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair sa chaoi go mbeidh na tionscadail inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de. Ba cheart sa chás sin coinníollacha sonracha lena gcoisctear maoiniú dúbáilte a leagan amach.
- (39) Chun a áirithiú go ndéanfaidh na hacmhainní a leithdháiltear ar ionstraimí airgeadais i bhfabhar FBManna mais chriticiúil éifeachtach agus éifeachtúil de mhaoiniú fiachais nua FBM a bhaint amach, ba cheart go mbainfí leas as acmhainní den sórt sin i gcríoch iomlán an Bhallstáit i dtrácht beag beann ar na catagóirí réigiúin atá sa Bhallstát sin. D'fhéadfadh sé go gceadófaí mar sin féin sa chaibidlíocht ar chomhaontú maoinithe idir an Ballstát agus an BIE go mbeadh ann do thoradh prorate chuig réigiún nó chuig grúpa de réigiúin laistigh den Bhallstát céanna, mar chuid de chlár náisiúnta tiomnaithe aonair in aghaidh an rannchuidithe airgeadais ó CFRE agus ó CETFT.
- (40) Ba cheart na rannchuidithe ag Ballstát a chéimniú amach thar na blianta 2014, 2015 agus 2016 agus ba cheart na méideanna atá le híoc ag na Ballstát leis an BIE a sceidealú dá réir sin sa chomhaontú maoinithe, ag teacht le cleachtais chaighdeánacha baincíreachta agus d'fhonn na héifeachtaí ar leithreasuithe íocaíochta in aon bhliain ar leith a scaipeadh amach.
- (41) I gcás idirbheart urrúsúcháin, ba cheart a áirithiú ag tráth dúnta cláir go bhfuil méid a chomhfhreagraíonn do rannchuidiú an Aontais ar a laghad úsáidte chun tacú le FBManna, ag teacht leis na prionsabail a bhaineann le hionstraimí airgeadais arna leagan amach sa Rialachán Airgeadais.
- (42) Ba cheart an tsolúbthacht a bheith ag údaráis bhainistíochta acmhainní ó na cláir a rannchuidiú leis na hionstraimí airgeadais a chuirtear ar bun ar leibhéal an Aontais, agus a bhíonn á mbainistiú go díreach nó go hindíreach ag an gCoimisiún nó le hionstraimí a chuirtear ar bun ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach, trasnáisiúnta nó trasteorann. Ba cheart an deis a bheith ag údaráis bhainistíochta freisin ionstraimí airgeadais a chur chun feidhme go díreach, trí bhithin cistí atá ann cheana féin nó atá nuachruthaithe nó trí bhithin cistí de chistí.
- (43) Ar mhaithe le socrúithe rialaithe comhréireacha a áirithiú agus luach breise na n-ionstraimí airgeadais a chosaint, níor cheart faighteoirí deiridh ionchasacha a dhíspreagadh trí ualaí riaracháin iomarcacha a bheith ann. Ba cheart na comhlachtaí atá freagrach as iniúchtaí ar chláir, ar an gcéad dul síos, iniúchtaí a dhéanamh ar leibhéal na n-údarás bainistíochta agus na gcomhlachtaí a mbíonn ionstraimí airgeadais á gcur chun feidhme acu lena n-áirítear cistí de cistí. D'fhéadfadh sé, áfach, go mbeadh cúinsí sonracha ann nach bhfuil na doiciméid is gá chun na hiniúchtaí a chur i gcrích ar fáil ar leibhéal na n-údarás bainistíochta ná ar leibhéal na gcomhlachtaí a mbíonn ionstraimí airgeadais á gcur chun feidhme acu nó i gcás nach taifead fíor agus cruinn iad doiciméid den sórt sin ar an tacaíocht a sholáthraítear. I gcásanna sonracha den sórt sin, is gá forálacha áirithe lena gceadaítear iniúchtaí ar leibhéal na bhfaighteoirí deiridh a leagan síos.
- (44) Ba cheart go gcomhfhreagródh méid na n-acmhainní a íoctar tráth ar bith ó Chistí SIE le hionstraimí airgeadais don mhéid is gá chun infheistíochtaí atá beartaithe agus íocaíochtaí le faighteoirí deiridh a chur chun feidhme, lena n-áirítear costais bhainistíochta agus táillí bainistíochta. Dá réir sin, ba cheart iarratais ar íocaíochtaí idirthréimhseacha a chéimniú. Ba cheart an méid a bheidh le híoc mar íocaíocht idirthréimhseach a bheith faoi réir uasteorainn 25 % de mhéid iomlán na rannchuidithe cláir a ghealltar don ionstraim airgeadais faoin gcomhaontú ábhartha cistiúcháin agus íocaíochtaí idirthréimhseacha ina dhiaidh sin a bheith coinníollach ar íoschéatadán na méideanna iarbhire arna n-áireamh in iarratais a rinneadh cheana a caitheadh mar chaiteachas incháilithe.
- (45) Tá sé riachtanach rialacha sonracha a leagan síos maidir leis na méideanna atá le glacadh mar chaiteachas incháilithe tráth dúnta cláir, chun a áirithiú go ndéanfar na méideanna, lena n-áirítear na costais bhainistíochta agus táillí bainistíochta, a íoctar ó Chistí SIE le hionstraimí airgeadais a úsáid go héifeachtach le haghaidh infheistíochtaí i bhfaighteoirí deiridh. Ba cheart go mbeadh na rialacha solúbtha go leor chun tacú le hionstraimí bunaithe ar chothromas chun tairbhe fiontar sonraithe agus ba cheart, dá bhrí sin, tréithe áirithe a chur i gcuntas atá sonrach d'ionstraimí bunaithe ar chothromas d'fhiontair, amhail cleachtais mhargaidh i ndáil le maoiniú leantach a sholáthar i réimse na gcistí capítail fiontair. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart fiontair shonraithe a bheith in ann tairbhiú de thacaíocht leanúnach ó Chistí SIE le hionstraimí den sórt sin tar éis dheireadh na tréimhse incháilitheachta.

- (46) Is gá freisin rialacha sonracha a leagan síos maidir le hathúsáid acmhainní atá inchurtha i leith tacaíochta ó Chistí SIE go dtí deireadh na tréimhse incháilitheachta agus rialacha breise maidir le húsáid na n-acmhainní a leagan síos tar éis dheireadh na tréimhse incháilitheachta.
- (47) Mar riaiil ghinearálta, níor cheart tacaíocht ó Chistí SIE a úsáid chun infheistíochtaí atá críochnaithe go fisiciúil nó curtha chun feidhme go hiomlán cheana féin ar dháta an chinnidh infheistíochta a mhaoiniú. Mar sin féin, maidir leis na hinfeistíochtaí bonneagair leis an gcuspóir tacú le forbairt uirbeach nó athbheochan uirbeach nó infheistíochtaí bonneagair comhchosúla a bhfuil de chuspóir acu gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta a éagsúlú i limistéir thuaithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh méid áirithe tacaíochta riachtanach chun punann fiachais a ath-eagrú maidir le bonneagar atá mar chuid den infheistíocht nua. I gcásanna den sórt sin ba cheart go bhféadfaí úsáid a bhaint as an tacaíocht ó Chistí SIE chun atheagrú a dhéanamh ar phunann fiachais suas go dtí uasmhéid 20 % de mhéid iomlán na tacaíochta cláir ón ionstraim airgeadais chuig an infheistíocht.
- (48) Ba cheart do na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar chlár chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar dhul chun cinn maidir le cuspóirí na gclár a ghnóthú. Chuige sin, ba cheart do Bhallstát i gcomhréir lena chreat institiúideach, dlíthiúil agus airgeadais coistí faireacháin a bhunú agus a gcomhdhéanamh agus a bhfeidhmeanna a shainiú maidir le Cistí SIE. I bhfianaise chineál speisialta na gclár faoi sprioc an chomhair chríocheaigh Eorpaigh, ba cheart rialacha sonracha a leagan síos chun faireachán a dhéanamh ar choistí le haghaidh na gclár sin. D'fhéadfaí coistí faireacháin comhpháirteacha a bhunú chun comhordú idir Cistí SIE a éascú. D'fhonn éifeachtacht a áirithiú, ba cheart do choiste faireacháin a bheith ábalta barúlacha a dhéanamh chuig údarás bhainistíochta maidir leis an gclár a chur chun feidhme agus mheastóireacht a dhéanamh air, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann leis an ualach riaracháin ar na tairbhíthe a laghdú, agus ba cheart dóibh faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a dhéantar mar thoradh ar a chuid barúlacha.
- (49) Is gá na socrúithe faireacháin agus tuairiscithe maidir le Cistí SIE a ailíniú ar mhaithe le socrúithe bainistíochta a shimpliú ar gach uile leibhéal. Is tábhachtach ceanglais chomhréireacha tuairiscithe a áirithiú ach freisin go mbeadh faisnéis chuimsitheach ar dhul chun cinn ar fáil ag príomhthráthanna athbhreithnithe. Is gá, dá bhrí sin, do na ceanglais tuairiscithe na riachtanais faisnéise a léiriú i mblianta ar leith agus go mbeadh siad ailínithe le huainiú na n-athbhreithnithe ar fheidhmíocht.
- (50) D'fhonn faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na gclár, ba cheart cruinniú athbhreithnithe bliantúil a thionól idir gach aon Bhallstát agus an Coimisiún. Ba cheart, áfach, go mbeadh an deis ag an mBallstát agus ag an gCoimisiún teacht ar chomhaontú gan an cruinniú a thionól i mblianta seachas 2017 agus 2019 chun ualach riaracháin neamhriachtanach a sheachaint.
- (51) D'fhonn go bhféadfaidh an Coimisiún faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar ionsar chuspóirí an Aontais a ghnóthú agus ar mhísin Chiste-shonracha de bhun a gcuspóirí atá bunaithe ar na Conarthaí, ba cheart do na Ballstáit tuarascálacha ar dhul chun cinn a thíolacadh maidir le cur chun feidhme a gComhaontuithe Comhpháirtíochta. Ar bhonn tuarascálacha den sórt sin, ba cheart don Choimisiún tuarascáil straitéiseach a ullmhú ar dhul chun cinn in 2017 agus in 2019. D'fhonn foráil a dhéanamh do dhíospóireacht bheartais rialta straitéiseach maidir le rannchuidiú Chistí SIE le gnóthú straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, agus chun feabhas a chur ar chaighdeán an chaiteachais agus ar éifeachtacht an bheartais sin ag teacht leis an Seimeastar Eorpach, ba cheart na tuarascálacha straitéiseacha a phlé sa Chomhairle. Ar bhonn an phlé sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann ionchur a sholáthar maidir leis an measúnú a rinneadh ag cruinniú Earraigh na Comhairle Eorpaí maidir leis an ról atá ag gach beartas agus ionstraim an Aontais i bhfás inbhuanaithe a sheachadadh lena gcruthaítear poist ar fud an Aontais.
- (52) Is gá meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht, ar éifeachtúlacht agus ar thionchar an chúnaimh ó Chistí SIE chun feabhas a chur ar cháilíocht cheapadh agus chur chun feidhme na gclár, agus chun tionchar na gclár i ndáil leis na spriocanna i straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a chinneadh, ag féachaint do mhéid an chláir, i ndáil le holltáirgeacht inmheánach (OTI) agus le dífhostaíocht i limistéar an chláir lena mbaineann, i gcás inarb iomchuí. Ba cheart freagrachtaí na mBallstát agus an Choimisiúin maidir leis an méid sin a shonrú.
- (53) Chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ceapadh gach cláir, agus chun a fhíorú cé acu an féidir nó nach féidir na cuspóirí agus na spriocanna a ghnóthú, ba cheart meastóireacht ex ante a dhéanamh ar gach clár.
- (54) Ba cheart don údarás bainistíochta nó don Bhallstát plean meastóireachta a tharraingt suas. Ba cheart go bhféadfaidh an plean meastóireachta sin níos mó ná clár amháin a chumhdach. Le linn na clárthréimhse, ba cheart d'údarás bhainistíochta a áirithiú go ndéanfar meastóireachtaí chun éifeachtacht, éifeachtúlacht agus tionchar cláir a mheas. Chun cinntí bainistíochta a éascú, ba cheart an coiste faireacháin agus an Coimisiún a chur ar an eolas faoi thorthaí na meastóireachtaí.
- (55) Ba cheart meastóireachtaí ex post a dhéanamh chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht Chistí SIE agus a dtionchar ar spriocanna foriomlána Chistí SIE agus ar straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a mheasúnú, agus na spriocanna arna mbunú le haghaidh na straitéise Aontais sin á gcur san áireamh. Le haghaidh gach aon cheann de Chistí SIE, ba cheart don Choimisiún tuarascáil sintéise a ullmhú ina leagfaí síos príomhchonclúidí na meastóireachtaí ex-post.

- (56) Ba cheart na cineálacha gníomhaíochta is féidir a dhéanamh mar chúnamh teicniúil le tacaíocht ó Chistí SIE ar thionscnamh ón gCoimisiúin agus ó na Ballstáit a shainiú.
- (57) Chun úsáid éifeachtach acmhainní an Aontais a áirithiú, agus chun rómhaoiniú oibríochtaí ginte glanioncaim i ndiaidh a gcur i gcrích a sheachaint, ba cheart modhanna éagsúla a úsáid chun an glanioncam arna ghineadh ag na hoibríochtaí sin a chinneadh, lena n-áirítear cur chuige simplithithe bunaithe ar rátaí comhréidhe d'earnálacha nó d'fho-earnálacha. Ba cheart na rátaí comhréidhe a bheith buanaithe ar na sonraí stairiúla atá ar fáil ag an gCoimisiún, an fhéidearthacht costas a aisghabháil chomh maith leis an bprionsabal íoc mar a thruaillítear, i gcás inarb infheidhme. Ba cheart go mbeadh foráil ann chomh maith chun rátaí comhréidhe a leathnú go hearnálacha nua, chun fo-earnálacha a thabhairt isteach nó athbheithniú a dhéanamh ar na rátaí do na tionscadail amach anseo nuair a bheidh na sonraí nua ar fáil, trí bhíthin gnímh tharmligthe. D'fhéadfadh sé go mbeadh úsáid na rátaí comhréidhe an-oiriúnach maidir le réimsí na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC), TFI agus éifeachtúlachta fuinnimh. Ina theannta sin, chun cur i bhfeidhm phrionsabal na comhréireachta a áirithiú agus chun aird a thabhairt ar fhorálacha rialála agus conarthacha eile a d'fhéadfadh a bheith infheidhme, is gá na díolúintí ó na rialacha seo a leagan amach.
- (58) Tá sé tábhachtach cur chuige comhréireach a áirithiú agus dúbailt an fhíoraithe ar riachtanais mhaoinithe a sheachaint i gcás na n-oibríochtaí a ghineann glanioncam tar éis iad a chríochnú, arb oibríochtaí iad atá faoi réir ag rialacha freisin maidir le Státchabhair, ós rud é go mbunaítear le rialacha den sórt sin freisin teorainneacha ar an tacaíocht is féidir a dheonú. Dá bhrí sin, sa chás go bhfuil cabhair de minimis, Státchabhair chomhoiriúnach d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide le déine cabhrach nó le teorainn mhéid cabhrach curtha i bhfeidhm, nó Státchabhair comhoiriúnach d'fhiontair mhóra ina ndearnadh fíorú ar leith ar riachtanais airgeadais i gcomhréir le rialacha Státchabhrach infheidhme, níor cheart go mbeadh na forálacha lena gceanglaítear ríomh an ghlanioncaim infheidhme. Mar sin féin, ba cheart go mbeadh sé oscailte chuig Ballstát na modhanna a chur i bhfeidhm chun glanioncam a ríomh i gcás ina bhforáiltear dó leis na rialacha náisiúnta.
- (59) Féadann Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí ("CPPanna") a bheith ina modh éifeachtach chun tionscadail a bhunú lena ndeimhneofar cuspóirí an bheartais phoiblí a bhaint amach trí cineálacha éagsúla acmhainní poiblí agus príobháideacha a thabhairt le chéile. Chun úsáid Cistí SIE a éascú chun tacú le hoibríochtaí faoi struchtúr CPPanna, ba cheart don Rialachán seo tréithe áirithe atá sonracha do CPPanna a chur san áireamh trí roinnt de na comhghorálacha maidir le SIE a oiriú.
- (60) Ba cheart na dátaí tosaigh agus na dátaí deiridh a bhaineann le hincháilitheacht an chaiteachais a shainiú ionas go bhforálfar do riail aonfhoirmeach agus chothrom a bheadh infheidhme maidir le cur chun feidhme Chistí SIE ar fud an Aontais. Chun forghníomhú na glár a éascú, is iomchuí a shonrú go bhféadfaidh an dáta tosaigh maidir le hincháilitheacht an chaiteachais a bheith roimh an 1 Eanáir 2014 má dhéanann an Ballstát lena mbaineann clár a thíolacadh roimh an dáta sin. Agus an gá práinneach na hacmhainní a leithdháiltear ar TFAO a shlógadh á chur san áireamh, ba cheart, go heisceachtúil, gurb é an 1 Meán Fómhair 2013 an dáta tosaigh maidir le hincháilitheacht caiteachais. D'fhonn úsáid éifeachtach Chistí SIE a áirithiú agus an baol a bheadh ann do bhuiséad ginearálta an Aontais a laghdú, is gá srianta a chur i bhfeidhm ar an tacaíocht a thugtar d'oibríochtaí lánchríochnaithe.
- (61) I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta agus faoi réir na n-eisceachtaí dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, i Rialachán CSE, i Rialachán (AE) Uimh. 1300/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, i Rialachán (AE) Uimh. 1299/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, i Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ agus i Rialachán CEMI, ba cheart do na Ballstáit rialacha náisiúnta a ghlacadh maidir le hincháilitheacht an chaiteachais.
- (62) D'fhonn úsáid Chistí SIE a shimpliú agus riosca earráidí a laghdú, agus ag an am céanna foráil á déanamh maidir le difreáil nuair is gá chun sainiúlachtaí an bheartais a léiriú, is iomchuí sainmhíniú a thabhairt ar na cineálacha tacaíochta, ar na coinníollacha comhchuíbhithe maidir le deontais a aisíoc agus maidir le cúnamh inaisíochta agus ar mhaoiniú ar ráta comhréidh, ar na rialacha incháilitheachta sonracha maidir le deontais agus agus ar chúnamh in-aisíochta agus ar choinníollacha sonracha i ndáil le hincháilitheacht oibríochtaí ag brath ar a suíomh.
- (63) Ba cheart go mbeadh sé indéanta tacaíocht ó Chistí SIE a thabhairt i bhfoirm deontas, duaiseanna, cúnaimh in-aisíochta nó ionstraimí airgeadais, nó i bhfoirm teaglama díobh sin, chun rogha a thabhairt do na comhlachtaí freagracha i dtobh na foirme tacaíochta is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais shainaitheanta.

(1) Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir le forálacha sonracha a bhaineann le sprioc na hinfheistíochta le haghaidh fais agus post agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 (Féach leathanach 289 den Iris Oifigiúil seo).

(2) Rialachán (AE) Uimh. 1300/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Comhtháthaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1084/2006 ón gComhairle (Féach leathanach 281 den Iris Oifigiúil seo).

(3) Rialachán (AE) Uimh. 1299/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le forálacha sonracha i dtaca le tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa do sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh (Féach leathanach 259 den Iris Oifigiúil seo).

(4) Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 (Féach leathanach 487 den Iris Oifigiúil seo).

- (64) Chun éifeachtacht, cothroime agus tionchar inbhuanaithe na hidirghabhála arna déanamh ag Cistí SIE a áirithiú, ba cheart forálacha a bheith ann lena rathófar gur ar bhonn fadtréimhseach a dhéantar na hinfheistíochtaí i ngnólachtaí agus i mbonneagair agus go gcoisceann siad Cistí SIE a úsáid chun buntáiste mhíchuí. Léiríonn taithe gur tréimhse íosta iomchuí le cur i bhfeidhm atá i dtréimhse cúig bliana, ach amháin i gcás ina bhforáiltear do thréimhse dhifriúil sna rialacha maidir le Státchabhair. Mar sin féin, agus i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, d'fhéadfadh sé go mbeadh tréimhse níos teoranta de thrí bliana inchosanta i gcás ina mbainfidh an infheistíocht le cothabháil infheistíochtaí nó le poist a bhí cruthaithe ag FBManna. I gcás oibríochta ina bhfuil infheistíocht i mbonneagar nó infheistíocht tháirgiúil, agus sa chás nach FBM é an tairbhí, ba cheart go ndéanfadh oibríocht den sórt sin an rannchuidiú ó Chistí SIE a aisíoc, más rud é, laistigh de 10 mbliana ón íocaíocht deiridh leis an tairbhí, go bhféadfaí an ghníomhaíocht tháirgiúil a athlonnú lasmuigh den Aontas. Is iomchuí gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CSE agus gníomhaíochtaí nach bhfuil infheistíocht tháirgiúil nó infheistíocht bonneagair i gceist leo a eisiáimh ó cheanglas ginearálta na himhthartha, mura rud é go ndíorthaíonn na ceanglais sin ó rialacha maidir le Státchabhair is infheidhme, agus is iomchuí rannchuidithe le hionstraimí airgeadais nó uathu a eisiáimh. Ba cheart suimeanna a íocadh go míchuí a aisghnóthú agus a bheith faoi réir nósanna imeachta is infheidhme maidir le neamhrialtachtaí.
- (65) Ba cheart do na Ballstáit bearta leormhaithe a ghlacadh chun bunú agus feidhmiú cuí a gcóras bainistíochta agus rialaithe a ráthú chun áirithiú a thabhairt maidir le húsáid dhlíthiúil agus rialta Chistí SIE. Ba cheart, dá bhrí sin, oibleagáidí na mBallstát maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe na gclár, agus maidir le cosc, brath agus ceartú neamhrialtachtaí agus sárúithe dhlí an Aontais a shonrú.
- (66) I gcomhréir le prionsabail na bainistíochta comhroinnte, ba cheart go mbeadh na Ballstáit agus an Coimisiún freagrach as bainistíú agus as rialú na gclár. Ba cheart gur ag na Ballstáit a bheadh an phríomhfheagracht, trína gcórais bhainistíochta agus rialaithe, as cur chun feidhme agus rialú na n-oibríochtaí i gclár. Chun éifeachtacht an rialaithe ar roghnú nó ar chur chun feidhme na n-oibríochtaí agus feidhmiú an chórais bhainistíochta agus rialaithe a neartú, ba cheart feidhmeanna an údarais bhainistíochta a shonrú.
- (67) Ba cheart go gcomhlíonfadh na Ballstáit na hoibleagáidí bainistíochta, rialaithe agus iniúcháireachta agus go nglacfaidís ar láimh na freagrachtaí atá mar thoradh orthu, ar oibleagáidí iad atá leagtha síos sna rialacha maidir le bainistíocht comhroinnte atá leagtha amach sa Rialachán seo, sa Rialachán Airgeadais agus sna rialacha Ciste-shonracha. Ba cheart go n-áiritheodh na Ballstáit, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo, go bhfuil socruithe éifeachtacha chun gearáin a scrúdú i bhfeidhm. I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, ba cheart, arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, go scrúdódh na Ballstáit gearáin a
- thíolactar chuig an gCoimisiún agus a thagann faoi raon feidhme a gcuid socruithe agus ba cheart, arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, an Coimisiún a chur ar an eolas faoi thorthaí na scrúduithe.
- (68) Ba cheart go leagfaí síos cumhachtaí agus freagrachtaí an Choimisiúin maidir le feidhmiú éifeachtach na gcóras bainistíochta agus rialaithe a fhíorú, agus maidir le gníomhaíocht Ballstáit a cheangal. Ba cheart, freisin, go mbeadh sé de chumhacht ag an gCoimisiún iniúchtaí agus seiceálacha ar an láthair a dhéanamh a bheadh dírithe ar na saincheisteanna a bhaineann le bainistíocht fhónta airgeadais ionas go bhféadfaí teacht ar chonclúid a bhaineann le feidhmíocht Chistí SIE.
- (69) Ba cheart ceangaltais bhuiséadacha an Aontais a chur i bhfeidhm gach bliain. Chun bainistíocht éifeachtach clár a áirithiú, is gá comhrialtachtaí a leagan síos maidir le réamh-mhaoiniú, le hiarrataí eatramhacha ar íocaíocht agus leis an iarmhéid deiridh, gan dochar do rialacha sonracha a cheanglaítear maidir le gach ceann ar leith de Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa.
- (70) Áirithíonn an íocaíocht réamh-mhaoinithe ag tús na gclár go bhfuil Ballstát in acmhainn tacaíocht a thabhairt do thairbhíthe ó thús cur chun feidhme an chláir, ionas go bhfaighidh na tairbhíthe sin réamhíocaíocht i gcás inar gá é chun na hinfeistíochtaí beartaithe a dhéanamh agus go ndéanfar iad a aisíoc go mear tar éis na na héilimh íocaíochta a bheith tíolactha. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis na méideanna réamh-mhaoinithe tosaigh ó Chistí SIE. Ba cheart don réamh-mhaoiniú tosaigh a bheith imrítithe go hiomlán tráth a ndúntar an clár.
- (71) D'fhonn leasanna airgeadais an Aontais a choimirciú, ba cheart foráil a dhéanamh do bhearta a mbeadh teorainn ama leo agus a thabharfadh cead don oifigeach údarúcháin trí tharmligean íocaíochtaí a stopadh i gcás inarb ann d'fhianaise shoiléir go bhfuil easnamh suntasach i bhfeidhmiú an chórais bhainistíochta agus rialaithe, d'fhianaise ar neamhrialtachtaí a bhaineann le hiarraidh ar íocaíocht nó go mainnítear doiciméid a thíolacadh chun críche cuntais a scrúdú agus a ghlacadh. Ba cheart fad na tréimhse idirbhríthe a bheith ar feadh tréimhse suas le sé mhí, le síneadh féideartha suas go dtí naoi mí ar an tréimhse sin le comhaontú an Bhallstáit chun dóthain ama a bheith ann chun údair an idirbhríthe a réiteach agus sa tslí sin cur i bhfeidhm fionraí a sheachaint.
- (72) D'fhonn buiséad an Aontais a choimirciú, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé riachtanach don Choimisiún ceartuithe airgeadais a dhéanamh. D'fhonn deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú i leith na mBallstát, tá sé tábhachtach go saineofar na himthosca faoina bhféadfadh an Coimisiún ceartuithe airgeadais a dhéanamh de dheasca sárúithe ar an dlí Aontais nó ar an dlí náisiúnta a bhaineann lena chur i bhfeidhm. D'fhonn a áirithiú go bhfuil baint ag aon cheartuithe airgeadais a fhorchuireann an Coimisiún ar Bhallstáit le cosaint leasanna airgeadais an Aontais, níor cheart ceartuithe den sórt sin a úsáid ach i gcásanna ina bhfuil baint ag an sárú ar dhlí infheidhme

an Aontais nó ar an dlí náisiúnta a bhaineann le dlí ábhartha an Aontais a chur i bhfeidhm, le hincháilitheacht, le rialacht, le bainistíocht nó le rialú na n-oibríochtaí agus an chaiteachais chomhfhreagraigh arna ndearbhú chuig an gCoimisiún. D'fhonn comhréireacht a áirithiú, tá sé tábhachtach go ndéanann an Coimisiún nádúr agus tromaíocht an tsáraithe agus na himpleachtaí airgeadais bainteacha do bhuiséad an Aontais a mheas, le linn dó ceartú airgeadais a chinneadh.

- (73) D'fhonn smacht airgeadais a spreagadh, is iomchuí sainiú a dhéanamh ar na socruithe le haghaidh cuid ar bith den cheangaltas buiséadach a shaoradh i gclár, go háirithe i gcás ina bhféadfar méid a eisiamh ón saoradh sin, go háirithe i gcás ina mbíonn moill ar chur chun feidhme mar thoradh ar imthosca atá neamhspleách ar an bpáirtí lena mbaineann, ar imthosca neamhghnácha nó ar imthosca nach féidir a thuar agus nach féidir a n-iarbhairtí a sheachaint d'ainneoin na dúthrachta a caitheadh, mar aon le staid ina ndearnadh iarraidh ar fócaíocht, ach a ndearnadh an spriocdháta le haghaidh fócaíochta ina leith a bhriseadh nó a ndearnadh an fócaíocht ina leith a chur ar fionraí.
- (74) Is cuid riachtanach freisin den sásra trína ndéantar an cúlchiste feidhmíochta a leithdháileadh an nós imeachta um shaoradh agus sna cásanna sin ba cheart go bhféadfaí na leithreasuithe a athbhunú ionas go bhféadfaí iad a chur ar fáil ina dhiaidh sin do chlár eile agus do thosaíochtaí eile. Lena chois sin, i gcás inarb é an toradh ar shaoradh go scoirfidh Ballstát de bheith páirteach sna hionstraimí, agus ionstraimí áirithe sonracha airgeadais á gcur chun feidhme ar mhaithe le FBManna, ba cheart foráil a dhéanamh chun na leithreasuithe sin a athbhunú ionas go bhféadfaí iad a chur ar fáil ina dhiaidh sin do chlár eile. Ó tharla go gcaithfear forálacha breise a thabhairt isteach sa Rialachán Airgeadais chun na leithreasuithe sin a athbhunú, níor cheart nósanna imeachta den sórt sin a chur i bhfeidhm le héifeacht ach ón dáta a dtiocfaidh an leasú comhfhreagrach ar an Rialachán Airgeadais i bhfeidhm.
- (75) Tá gá le forálacha ginearálta breise maidir le feidhmiú sonracha na gCistí. D'fhonn a mbreisluach a mhéadú agus d'fhonn feabhas a chur ar a rannchuidiú le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach agus le tosaíochtaí straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach agus le misin Chiste-shonracha de bhun a gcuspóirí atá bunaithe ar na Conarthaí, ba cheart feidhmiú na gCistí a shimpliú agus díriú ar na spriocanna a bhaineann le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh".
- (76) Tá forálacha breise maidir le feidhmiú sonracha CETFT agus CEMI leagtha amach sa reachtaíocht earnáil-shonrach ábhartha.
- (77) D'fhonn cuspóirí an Chonartha maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chur chun cinn,

ba cheart don sprioc 'Infheistíocht le haghaidh fáis agus post' tacú leis na réigiúin ar fad. Chun tacaíocht chothrom a thabhairt de réir a chéile agus chun an fhorbairt ar bhonn eacnamaíoch agus sóisialta a léiriú, ba cheart na hacmhainní faoin sprioc sin a leithdháileadh ó CFRE agus ó CSE sna réigiúin laghforbartha, sna réigiúin trasdula agus sna réigiúin fhorbartha de réir a n-olltáirgeacht intire (OTI) per capita i gcoibhneas le meán AE. Chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach na hinfheistíochta ó CFRE agus ó CSE a áirithiú, chun an dul chun cinn atá déanta a chomhtháthú agus chun fás eacnamaíoch agus comhtháthú sóisialta a spreagadh i réigiúin na hEorpa, ar réigiúin iad a raibh a OTI per capita do chlárthréimhse 2007-2013 níos lú ná 75 % de mheán 25 Bhallstát AE don tréimhse tagartha ach ar ardaigh a OTI per capita go níos mó ná 75 % de mheán 27 mBallstát AE, ba cheart go bhfaigheadh na réigiúin sin 60 % ar a laghad dá meán-leithdháileadh bliantúil tascach don tréimhse 2007-2013. Ba cheart don leithdháileadh iomlán a gheobhadh Ballstát ó CFRE, ó CSE agus ón gCiste Comhtháthaithe bheith ionann agus 55 % ar a laghad dá leithdháileadh iomlán aonair don tréimhse 2007-2013. Ba cheart go rachadh an sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post ón gCiste Comhtháthaithe chun tairbhe do na Ballstáit a bhfuil a n-ollioncam náisiúnta (OIN) per capita níos ísle ná 90 % de mheán an Aontais.

- (78) Ba cheart critéir oibiachtúla a shocrú chun réigiúin agus limistéir atá incháilithe chun tacaíocht a fháil ó na Cistí a ainmniú. Chuige sin, ba cheart sainaitheint na réigiúin agus na limistéir ar leibhéal an Aontais a bhunú ar chóras coiteann aicmithe na réigiúin arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2007 ón gCoimisiún⁽²⁾.
- (79) Chun creat airgeadais iomchuí a leagan amach do na Cistí, ba cheart don Choimisiún, trí bhithin gníomhartha cur chun feidhme, an miondealú bliantúil tascach ar leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí atá ar fáil a bhunú trí mhodh oibiachtúil agus trédhearcach a úsáid, d'fhonn díriú ar na réigiúin a bhfuil a bhforbairt tite ar gcúl, lena n-áirítear na réigiúin sin a bhfuil tacaíocht trasdula á fáil acu. Chun staid an-deacair na mBallstát atá ag fulaingt de dheasca na géarchéime a thabhairt san áireamh, agus i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 1311/2013⁽³⁾ ón gComhairle, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar iomlán leithdháilte na mBallstát uile in 2016 ar bhonn an staidrimh is deireanaí a bheidh ar fáil an tráth sin agus, más rud é go bhfuil dibhéirsiú carnach de níos mó ná +/- 5 % ann, ba cheart dó na leithdháilte sin a choigeartú. Ba cheart go ndéanfaí an coigeartú a mbeidh gá leis a leathnú amach i sciaranna comhionanna thar na blianta 2017-2020.

⁽¹⁾ IO L 154, 21.6.2003. lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Uimh. 1059/2007 ón gComhairle an 1 Feabhra 2007 lena leasaítear na harscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche le haghaidh staidreamh (NUTS) (IO L 39, 10.2.2007, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020 (Féach leathanach 884 den Iris Oifigiúil seo.)

- (80) Chun luathú riachtanach na forbartha bonneagair in iompar agus i bhfuinneamh chomh maith le TFC a spreagadh ar fud an Aontais, cruthaítear Saoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE), i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾. Ba cheart go ndéanfaí tacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe a sholáthar do thionscadail lena ndéantar na croíghreasáin a chur chun feidhme nó do thionscadail agus gníomhaíochtaí cothrománacha arna sainaitheint i gCuid I den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin.
- (81) Ba cheart leithdháileadh na leithreasuithe bliantúla ó na Cistí ar Bhallstát a theorannú go dtí uasteorainn a shocrófaí trí OTI an Bhallstáit faoi leith a chur san áireamh.
- (82) Is gá teorainneacha na n-acmhainní sin a shocrú do sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus is gá critéir oibiachtúla a ghlacadh maidir lena leithdháileadh ar réigiúin agus ar Bhallstáit. Ba cheart do na Ballstáit an tacaíocht a chomhchruinniú lena áirithiú go ndíreofar infheistíocht leordhóthanach ar fhostaíocht don aos óg, ar shoghluasteacht an lucht saothair, ar eolas, ar chuimsiú sóisialta agus ar an mbochtaineacht a chomhrac, agus ar an gcaoi sin go n-áiríteofar nach lú ná 23,1% é cion CSE mar chéatadán de líon iomlán na n-acmhainní comhcheangailte do na Cistí Struchtúrtha agus don Chiste Comhtháthaithe ar leibhéal an Aontais, gan an tacaíocht a thagann ón gCiste Comhtháthaithe ar mhaithe le bonneagar iompair faoin tSaoráid um Chomhnascadh na hEorpa ná an tacaíocht ó na Cistí Struchtúrtha le haghaidh cúnamh do na daoine sin is díothaí a áireamh.
- (83) I bhfianaise na tosaíochta práinní atá ann dul i ngleic le difhostaíocht i measc an ógra sna réigiúin is mó atá buailte, agus san Aontas ina iomláine chomh maith, déantar TFAO a chruthú agus a chistiú ó leithdháileadh sonrach agus ó infheistíocht spriocdhírthe ó CSE chun cur leis an tacaíocht thábhachtach a sholáthraítear cheana trí Chistí SEI agus chun an tacaíocht sin a threisiú. Ba cheart é bheith d'aidhm ag TFAO tacú le daoine óga, go háirithe na daoine óga sin nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna a bhfuil cónaí orthu sna réigiúin incháilithe. Ba cheart TFAO a chur chun feidhme mar chuid de sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post.
- (84) Sa bhreis air sin, i gcomhréir leis an bpríomhspríoc maidir le laghdú na bochtaineachta, is gá an Ciste um Chabhair Eorpach do na daoine is díothaí a atreorú chun cuimsiú sóisialta a chur chun cinn. Ba cheart foráil do shásra lena n-aistreofaí acmhainní chuig an ionstraim sin ó leithdháiltí na gCistí Struchtúracha de gach Ballstát.
- (85) Agus na dálaí eacnamaíocha atá ann faoi láthair á dtabhairt san áireamh, níor cheart go mbeadh uasleibhéal an aistriithe (caidhpeáil) ó na Cistí chuig gach Ballstát ar leith ina thoradh ar leithdháiltí in aghaidh an Bhallstáit atá níos airde ná 110% dá gcuid leibhéal i dtéarmaí réadacha do chlárthréimhse 2001-2013.
- (86) D'fhonn leithdháileadh iomchuí ar gach catagóir réigiúin a áirithiú, níor cheart acmhainní ó na Cistí a aistriú idir réigiúin bheagfhorbartha, réigiúin trasdula agus réigiúin níos forbartha ach amháin in imthosca a bhfuil údar cuí leo a bhaineann le cuspóir téamach amháin nó níos mó a chur i gcrích. Maidir le haistriithe den sórt sin, níor cheart go mbeadh níos mó ná 3% den leithreasú iomlán don chatagóir réigiúin sin ag baint leo.
- (87) Chun fíorthionchar eacnamaíoch a áirithiú, níor cheart tacaíocht ó na Cistí a chur in ionad chaiteachas poiblí nó chaiteachas structúrach coibhéiseach na mBallstát faoi théarmaí an Rialacháin seo. Sa bhreis air sin, ionas go ndéanfaí comhthéacs eacnamaíoch níos leithne a chur san áireamh sa tacaíocht ó na Cistí, ba cheart leibhéal an chaiteachais phoiblí a shocrú faoi threoir na gcoinníollacha maicreacnamaíocha ginearálta faoina ndéantar an maoiniú bunaithe ar na táscairí sna Cláir Chobhsaíochta agus sna Cláir um Chóineasú a thíolacann na Ballstáit gach bliain i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1466/1997 ón gComhairle. Maidir leis an bhfíorú a dhéanann an Coimisiún ar phrionsabal na breisióchta, ba cheart é a dhírú ar na Ballstáit a bhfuil réigiúin bheagfhorbartha iontu a chumhdaíonn 15% ar a laghad den daonra de bharr scála na n-acmhainní airgeadais a leithdháiltar orthu.
- (88) Is gá forálacha breise a leagan síos maidir le cléagraí, bainistiú, faireachán agus rialú na gclár oibríochtúil a fhaigheann tacaíocht ó na Cistí chun díriú isteach tuilleadh ar na torthaí. Go háirithe, is gá ceanglais mhionsonraithe a leagan amach d'inneachar na gclár oibríochtúil. Ba cheart go n-éascófaí leis sin loighic chomhsheasmhach idirghabhála a chur i láthair chun dul i ngleic leis na riachtanais forbartha a sainaitníodh, chun an creat don mheasúnú feidhmíochta a leagan amach agus chun buntaca a chur le cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil na gCistí sin. Mar phrionsabal ginearálta, ba cheart gurb aon chuspóir téamach amháin, aon Chiste amháin agus aon chatagóir réigiúin amháin a chumhdófaí in ais tosaíochta. I gcás inarb iomchuí agus chun an éifeachtúlacht i gcur chuige comhtháite atá comhleanúnach go téamach a mhéadú, ba cheart go mbeadh sé indéanta go bhféadfadh baint a bheith ag ais tosaíochta le níos mó ná catagóir réigiúin amháin agus go bhféadfaí ceann amháin nó níos mó de thosaíochtaí infheistíochta comhlántacha ó CFRE, ó CSE agus ón gCiste Comhtháthaithe a chomhcheangal faoi cheann amháin nó níos mó de chuspóirí téamacha.
- (89) In imthosca ina n-ullmhaíonn Ballstát uaslíon aon chlár oibríochtúil amháin in aghaidh an Chiste, ionas go n-ullmhaítear na cláir agus an Comhaontú Comhpháirtíochta ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart socruithe sonracha a leagan amach chun comhlántacht doiciméad den sórt sin a áirithiú.

⁽¹⁾ Regulation 1316/2013 of the European Parliament and of the Council of 11 Nollaig 2013, establishing the Connecting Europe Facility (IO L 348, 20.12.2013, lch. 129)

- (90) Chun a thabhairt go mbeadh an gá atá le cláir bheachta oibríochtúla ina leagann na Ballstáit gealltanais shoiléire amach ag réiteach leis an ngá atá le solúbthacht a cheadú chun coigeartú a dhéanamh i bhfianaise cúinsí atá ag athrú, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir eilimintí bunriachtanacha an chláir oibríochtúil atá faoi réir cinnidh ón gCoimisiún agus eilimintí eile nach bhfuil faoi réir cinnidh ón gCoimisiún agus ar féidir le Ballstát iad a leasú. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le nósanna imeachta a chur ar fáil lena bhféadfaí na heilimintí neamhriachtanacha sin a leasú ar an leibhéal náisiúnta d'uireasa cinneadh ón gCoimisiún.
- (91) D'fhonn comhlántachtaí a fheabhsú agus cur chun feidhme a shimpliú, ba cheart go mbeadh sé indéanta tacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe agus ó CFRE a chomhcheangal le tacaíocht ó CSE i gcláir oibríochtúla chomhpháirteacha faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post.
- (92) Baineann sciar suntasach de chaiteachas an Aontais le mórthionscadail agus is minic a bhíonn tábhacht straitéiseach ag baint leo a mhéid a bhaineann le straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach. Tá údar maith ann, dá bhrí sin, go mbeidh oibríochtaí os cionn tairseacha áirithe fós faoi réir nósanna imeachta sonracha formheasa faoin Rialachán seo. Ba cheart an tairseach a bhunú maidir leis an gcostas iomlán incháilithe tar éis na glanioncaim a mbeifí ag súil leo a chur san áireamh agus go mbeadh tairseach níos airde ann do thionscadail iompair de bharr mhéid tipiciúil mór na n-infheistíochtaí san earnáil sin. Chun soiléireacht a áirithiú, is iomchuí inneachar iarratais ar mhórthionscadail a shainiú chun na críche sin. Ba cheart go mbeadh san iarratas an fhaisnéis is gá chun a áirithiú nach mbeidh de thoradh ar an rannchuidiú airgeadais ó na Cistí go dtarlaíonn cailleanas substaintiúil ar phoist i suímh atá cheana ann laistigh den Aontas.
- (93) Chun ullmhú agus cur chun feidhme na mórthionscadal a chur chun cinn ar bhonn fóna, eacnamaíoch agus teicniúil agus chun úsáid comhairle saineolaithe ag céim luath a spreagadh, sa chás ina bhfuil saineolaithe neamhspleácha a mbeidh tacaíocht theicniúil acu ón gCoimisiún nó saineolaithe eile i gcomhaontú leis an gCoimisiún in ann ráitis shoiléire a sholáthar maidir le hindéantacht agus le hinmharthanacht eacnamaíoch mórthionscadail, ba cheart nós imeachta formheasa an Choimisiúin a shruthlíniú. Níor cheart go mbeadh an Coimisiún in ann formheas ranníocaíochta airgeadais a dhiúltú ach amháin má shuíonn sé laige shuntasach san athbhreithniú neamhspleách cáilíochta.
- (94) I gcásanna nach ndearnadh athbhreithniú cáilíochta neamhspleách ar mhórthionscadal iontu, ba cheart don Bhallstát an fhaisnéis go léir a éilítear a chur isteach agus breithmheas a dhéanamh ar an mórthionscadal chun a chinneadh an bhfuil bonn cirt leis an ranníocaíocht airgeadais iarrtha.
- (95) Ar mhaithe le comhleánachas cur chun feidhme, d'fhonn go seachnófar ualach neamhriachtanach riaracháin, chomh maith chun críocha ailínithe leis an gCinneadh ón gCoimisiún maidir le Treoirlínte i ndáil le clabhsúr na clárthréimhse 2007-2013, bunaítear forálacha céimnithe do mhórthionscadail arna bhformheas faoi Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle⁽¹⁾ a bhfuiltear ag súil leis go rachaidh a dtréimhse cur chun feidhme thar an tréimhse clárúcháin a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Faoi réir coinníollacha áirithe, ba cheart go mbeadh nós imeachta mear chun fógra agus formheas a thabhairt i ndáil le dara céim nó céim ina dhiaidh sin de mhórthionscadal ar ceadaíodh an chéim nó na céimeanna roimhe sin ina leith ag an gCoimisiún faoin tréimhse clárúcháin 2007-2013. Ba cheart gach céim ar leith den oibríocht chéimnithe, a fhónann don chuspóir foriomlán céanna, a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha na clárthréimhse ábhartha.
- (96) D'fhonn rogha a thabhairt do na Ballstáit cuid de chláir oibríochtúil a chur chun feidhme trí chur chuige bunaithe ar thorthaí a úsáid, is áisiúil foráil a dhéanamh do chomhphlean gníomhaíochta ina mbeadh tionscadal nó grúpa de thionscadail nó sraith tionscadal a bheadh le déanamh ag tairbhí mar rannchuidiú le cuspóirí an chláir oibríochtúil. D'fhonn an bhéim a chuireann na Cistí ar thorthaí a shimpliú agus a threisiú, ba cheart bainistiú an phlean gníomhaíochta chomhpháirtigh a bheith bunaithe go huile agus go hiomlán ar gharspriocanna, aschuir agus torthaí a bheidh comhaontaithe go comhpháirteach agus atá sainithe sa chinneadh ón gCoimisiún lena nglactar an comhphlean gníomhaíochta. Ba cheart go mbeadh rialú agus iniúchóireacht comhphlean gníomhaíochta teoranta i dtaobh cé acu an mbaineann sé amach nó nach mbaineann sé amach a gharspriocanna, a aschuir agus a thorthaí. Dá réir sin, is gá rialacha maidir le hullmhú, inneachar, glacadh, bainistiú agus rialú airgeadais comhphleananna gníomhaíochta a leagan síos.
- (97) Is gá rialacha sonracha a ghlacadh maidir le feidhmeanna an choiste faireacháin agus leis na tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme na gclár oibríochtúil a fhaigheann tacaíocht ó na Cistí. Leagtar amach forálacha breise maidir le feidhmiú sonracha CETFT sa reachtaíocht earnáil-shonrach ábhartha.
- (98) Lena áirithiú go bhfuil faisnéis fhíor-riachtanach agus cothrom le dáta ar fáil faoi chur chun feidhme na gclár, is gá do na Ballstáit na príomhshonraí a sholáthar don Choimisiún go tráthrialta. Lena sheachaint nach mbeidh ualach breise ar na Ballstáit, ba cheart go mbeadh an méid sin teoranta do shonraí a bhailítear go leanúnach, agus ba cheart na sonraí a tharchur ar mhodh leictreonach malartaithe sonraí.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle an 11 Iúil 2006 lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa agus leis an gCiste Comhtháthaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán Uimh. 1260/1999 (IO L 210, 31.7.2006, lch. 25).

- (99) Chun faireachán agus dul chun cinn a threisiú maidir le cur i bhfeidhm na gCistí agus chun bainistíocht airgeadais a éascú, is gá a áirithiú go mbeidh na bunsonraí airgeadais maidir leis an dul chun cinn ar chur chun feidhme ar fáil ar bhealach tráthúil.
- (100) I gcomhréir le hAirteagal 175 CFAE, tá an Coimisiún le Tuarascálacha faoin gComhtháthú a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta agus do Choiste na Réigiún gach trí bliana ar an dul chun cinn atá déanta maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a ghnóthú. Is gá forálacha a bhaineann le hinneachar na tuarascála sin a leagan síos.
- (101) Tá sé tábhachtach a bhfuil gnóthaithe ag na Cistí a chur ar a súile don phobal i gcoitinne agus feachtas a mhúscailt i dtaobh chuspóirí an bheartais chomhtháthaithe. Tá sé de cheart ag saoránaigh eolas a bheith acu faoin gcaoi a ndéantar acmhainní airgeadais an Aontais a infheistiú. Ba cheart go mbeadh freagracht ar na húdaráis bhainistíochta agus ar na tairbhíthe araon as a áirithiú go gcuirtear an fhaisnéis iomchuí in iúl don phobal. Lena áirithiú go ndéanfar cumarsáid níos éifeachtúla leis an bpobal i gcoitinne agus go gcruthófar sineirgí níos láidre idir na gníomhaíochtaí cumarsáide arna ndéanamh ar thionscnamh an Choimisiúin, ba cheart go rannchuideodh na hacmhainní a leithdháiltear ar ghníomhaíochtaí cumarsáide faoin Rialachán seo freisin le cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais a chumhdach a mhéid is go mbaineann siad le cuspóirí ginearálta an Rialacháin seo.
- (102) D'fhonn inrochtaineacht agus trédhearcacht faisnéise faoi dheiseanna cistithe agus tairbhíthe tionscadail a neartú, ba cheart suíomh gréasáin aonair nó tairseach de shuímh ghreasáin a sholáthraíonn faisnéis faoi na clár oibríochtaí uile, lena n-áirítear liostaí de na hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht faoi gach clár oibríochtaí, a chur ar fáil i ngach Ballstát.
- (103) Chun scaipeadh forleathan faisnéise faoina bhfuil gnóthaithe ag na Cistí agus ról an Aontais sa mhéid sin a áirithiú agus chun tairbhíthe féideartha a chur ar an eolas faoi dheiseanna cistithe, ba cheart rialacha mionsonraithe faoi bhearta faisnéise agus cumarsáide, lena gcuirtear san áireamh méid na gclár oibríochtaí i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar aon le saintréithe teicniúla áirithe sna bearta sin a shainiú sa Rialachán seo.
- (104) Chun a áirithiú go mbeidh leithdháileadh gach Ciste dírithe ar straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach agus ar na misin Chiste-shonracha de bhun a gcuspoirí atá bunaithe ar na Conarthaí, is gá uasteorainneacha a bhunú maidir le leithdháileadh ar chúnamh teicniúil an Bhallstáit. Is gá a áirithiú chomh maith go n-éascaíonn an creat dlíthiúil le haghaidh chláraigh an chúnamh teicniúil cruthú socrúithe seachadta sruthlínithe i gcomhthéacs ina gcuirfidh na Ballstáit Ilchistí chun feidhme ag an am céanna agus ba cheart go bhféadfadh an creat sin catagóirí éagsúla réigiún a chuimsiú.
- (105) Is gá na heilimintí a bheidh ann chun modhnú a dhéanamh ar an ráta cómhaoinithe ó na Cistí chuig aiseanna tosaíochta a chinneadh, go háirithe, chun éifeacht iolraitheora acmhainní an Aontais a mhéadú. Is gá freisin na huasrátaí cómhaoinithe a bhunú de réir catagóire réigiún chun a áirithiú go n-urramaítear prionsabal an chómhaoinithe trí leibhéal iomchuí tacaíochta náisiúnta, idir phoiblí agus príobháideach.
- (106) Is gá go ndéanfar na Ballstáit údaráis bainistíochta, údaráis deimhniúcháin agus údaráis iniúchóireachta atá neamhspleách ó thaobh feidhme de a ainmniú le haghaidh gach clár oibríochtaí. Chun solúbthacht a thabhairt do Bhallstáit ó thaobh córais rialaithe a chur ar bun, is iomchuí a fhoráil go dtabharfar an rogha go gcuirfeadh an t-údarás bainistíochta feidhmeanna an údaráis deimhniúcháin i gcrích. Ba cheart freisin cead a bheith ag Ballstáit comhlachtaí idirmheánacha a ainmniú chun cúraimí áirithe de chuid an údaráis bhainistíochta nó de chuid an údaráis deimhniúcháin a dhéanamh. Sa chás sin, ba cheart do Bhallstáit a bhfreagrachtaí agus a bhfeidhmeanna faoi seach a leagan síos go soiléir.
- (107) Chun eagrú sonracha na gcóras bainistíochta agus rialaithe do na Cistí agus don CEMI a chur san áireamh, agus freisin an gá atá le cur chuige comhréireach a áirithiú, is gá forálacha sonracha a bheith ann maidir leis an údarás bainistíochta agus leis an údarás deimhniúcháin a ainmniú. Chun ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a sheachaint, ba cheart fíorú ex ante ar chomhlíonadh na gcritéir ainmnithe a léirítear sa Rialachán seo a theorannú don údarás bainistíochta agus deimhniúcháin, agus, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo, níor cheart go mbeadh aon obair bhreise iniúchóireachta ag teastáil nuair a bheidh an córas go bunúsach mar a chéile agus a bhí do chlárthréimhse 2007-2013. Níor cheart go mbeadh aon cheanglas ann go ndéanadh an Coimisiún an t-ainmniú a fhorghnó. Chun an deimhneacht dlíthiúil a mhéadú, áfach, ba cheart go mbeadh an rogha ar fáil do na Ballstáit na doiciméid a bhaineann leis an ainmniú a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoi réir coinníollacha áirithe a leagtar síos sa Rialachán sin. Maidir leis an bhfaireachán ar chomhlíonadh na gcritéir ainmniúcháin arna dhéanamh ar bhonn socrúithe iniúchóireachta agus rialaithe, ba cheart, i gcás ina léireoidh na torthaí nár comhlíonadh na critéir, go leanfadh gníomhaíochtaí leighis astu agus go bhféadfadh sé tarlú dá éis go gcuirfí deireadh leis an ainmniúchán.
- (108) Is ar an údarás bainistíochta a bheidh an phróimhfheagracht as na Cistí agus CEMI a chur chun feidhme go héifeachtach agus go héifeachtúil agus, ar an dóigh sin, comhlíonfaidh sé líon suntasach feidhmeanna a bhaineann le bainistiú agus le faireachán ar na clár, bainistíocht airgeadais agus rialuithe, chomh maith le roghnú tionscadal. Ba cheart, dá réir sin, freagrachtaí agus feidhmeanna an údaráis bhainistíochta a leagan amach.

- (109) Ba cheart don údarás deimhniúcháin iarratais ar íocaíocht a tharraingt suas agus iad a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ba cheart dó na cuntais a tharraingt suas, ina ndeimhneofar a n-íomláine, a gcruinneas agus a bhfírinneacht agus go gcomhlíonann an caiteachas arna iontráil iontu na rialacha Aontais is infheidhme agus na rialacha náisiúnta is infheidhme. Ba cheart freagrachtaí agus feidhmeanna an údaráis deimhniúcháin a leagan amach.
- (110) Ba cheart don údarás iniúchóireachta a áirithiú go ndéanfar iniúchtaí ar na córais bhainistíochta agus rialaithe, ar shampla iomchuí oibríochtaí agus ar na cuntais. Ba cheart freagrachtaí agus feidhmeanna an údaráis iniúchóireachta a leagan amach. Ba cheart iniúchtaí ar chaiteachas dhearbhaite a dhéanamh ar shampla ionadaíoch d'oibríochtaí chun go bhféadfaí na torthaí a eachtarshuíomh. Mar riail ghinearálta, ba cheart modh samplála staidrimh a úsáid chun sampla ionadaíoch iontaofa a sholáthar. Mar sin féin, ba cheart go bhféadfadh na húdaráis iniúchóireachta modh samplála neamhstaidrimh a úsáid in imthosca a bhfuil údar cuí leo ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán.
- (111) Gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin maidir le rialú airgeadais, ba cheart an comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún sa réimse seo a mhéadú agus ba cheart critéir a bhunú a chuirfidh ar chumas an Choimisiúin, i gcomhthéacs a straitéise chun córais náisiúnta a rialú, an leibhéal urrúis ar cheart dó a fháil ó chomhlachtaí iniúchóireachta náisiúnta a chinneadh.
- (112) Sa bhreis ar na comhrialacha maidir le bainistíocht airgeadais le haghaidh Cistí SIE, ba cheart forálacha breise do na Cistí agus do CEMI a leagan síos. Go sonrach, d'fhonn urrúis réasúnach a áirithiú don Choimisiún, sula nglactar le cuntais, ba cheart iarratais ar íocaíochtaí eatramhacha a aisíoc ag ráta 90 % den mhéid a thig ón ráta cómhaoinithe le haghaidh gach aise tosaíochta de réir mar a leagtar síos sa chinneadh lena nglactar an clár oibríochtúil a chur i bhfeidhm ar an gcaiteachas incháilithe le haghaidh gach tosaíocht a leagtar síos sa chinneadh lena nglactar an clár oibríochtúil. Ba cheart na méideanna gan íoc atá dlite a íoc leis na Ballstáit ar ghlacadh na gcuntas, ar choinníoll go bhfuil an Coimisiún in ann a dheimhniú go bhfuil na cuntais iomlán, beacht agus ceart.
- (113) Ba cheart go bhfaigheadh tairbhíthe an tacaíocht ina hiomláine tráth nach déanaí ná 90 lá ón dáta ar thíolaic an tairbhí an t-éileamh ar íocaíocht, faoi réir na gcistí a bheith ar fáil ó réamh-mhaoiniú tosaigh agus bliantúil agus ó íocaíochtaí eatramhacha. Ba cheart go mbeadh an t-údarás bainistíochta in ann an spriocdháta a bhriseadh i gcás ina bhfuil na doiciméid tacaíochta neamhiomlán nó má tá fianaise ar neamhrialtacht ar fianaise í a chaithfear a imscrúdú tuilleadh. Ba cheart foráil a dhéanamh le haghaidh réamh-mhaoiniú tosaigh agus bliantúil lena áirithiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag na Ballstáit cláir a chur chun feidhme faoi na socrúithe sin. Ba cheart réamh-mhaoiniú bliantúil a imríteach gach bliain le glacadh cuntas.
- (114) D'fhonn an baol a laghdú go mbeidh caiteachas mírialta á fhógairt, ba cheart gurbh fhéidir d'údarás deimhniúcháin, gan gá le haon údar maith breise, na méideanna a áireamh inar ghá fíorú breise in iarratas eatramhach íocaíochta tar éis na bliana cuntasaióchta inar cuireadh isteach ina chóras cuntasaióchta iad.
- (115) Lena áirithiú go gcuirfear na rialacha ginearálta maidir le saoradh i bhfeidhm go hiomchuí, ba cheart mionsonraí a thabhairt sna rialacha a bhunaítear le haghaidh na gCistí agus CEMI faoin tslí ina leagtar síos na spriocdhátaí don saoradh agus faoin tslí ina ríomhtar na méideanna atá i gceist.
- (116) D'fhonn ceanglais an Rialacháin Airgeadais a chur i bhfeidhm ar bhainistíú airgeadais na gCistí agus CEMI, is gá nósanna imeachta le haghaidh ullmhú, scrúdú agus glacadh cuntas a leagan amach ar cheart dóibh bonn soiléir agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú do na socrúithe seo. Ina theannta sin, d'fhonn a cheadú do Bhallstát a fhreagrachtaí a chomhlíonadh i gceart, ba cheart go mbeadh an Ballstát in ann méideanna is ábhar do mheasúnú leanúnach dlíthiúlachta agus rialtachta a eisiamh.
- (117) D'fhonn an t-ualach riaracháin ar thairbhíthe a laghdú, ba cheart teorainneacha sonracha ama a leagan amach ina mbeadh údarais bhainistíochta faoi oibleagáid fáil ar dhoiciméid i gcomhair oibríochtaí a áirithiú tar éis caiteachas a chur isteach nó oibríocht a chur i gcrích. I gcomhréir le príonsabal na comhréireachta, ba cheart an tréimhse maidir le doiciméid a choimeád a idirdhealú ag brath ar chaiteachas iomlán incháilithe oibríochta.
- (118) Ós rud é go bhfíoraítear agus go nglactar na cuntais gach bliain, ba cheart simpliú suntasach den nós imeachta maidir le clabhsúr a thabhairt isteach. Níor cheart go mbeadh clabhsúr deiridh an chláir bunaithe dá bhrí sin ach amháin ar na doiciméid a bhaineann leis an mbliain chuntasaióchta dheiridh agus ar an tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme nó ar an tuarascáil bhliantúil dheireanach ar chur chun feidhme, gan aon ghá le haon doiciméid bhreise a chur ar fáil.
- (119) Chun leasanna airgeadais an Aontais a choimirciú agus na hacmhainní a sholáthar chun cur chun feidhme éifeachtach na gclár a áirithiú, ba cheart forálacha a leagan síos a chuireann ar chumas an Choimisiúin íocaíochtaí ar leibhéal na dtosaíochtaí nó ar leibhéal na gclár oibríochtúil a fhionraí.
- (120) Chun deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt do na Ballstáit, is iomchuí na socrúithe agus na nósanna imeachta sonracha a bhaineann le ceartuithe airgeadais a dhéanamh na Ballstáit nó an Coimisiún maidir leis na Cistí agus le CEMI a leagan síos agus príonsabal na comhréireachta á urramú.

- (121) Tá sé riachtanach creat dlíthiúil a bhunú ina gcuirfear córais urrúnta bainistíochta agus rialaithe ar fáil ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach mar aon leis na ról agus na freagrachtaí a roinnt mar is iomchuí maidir leis an gcomhbhainistíocht. Ba cheart go ndéanfaí an ról atá ag an gCoimisiún a shonrú agus a shoiléiriú agus go leagfaí rialacha comhréireacha amach chun ceartuithe airgeadais ón gCoimisiún a chur i bhfeidhm.
- (122) Ba cheart minicíocht na n-iniúchtaí ar oibríochtaí a bheith comhréireach le méid thacaíocht an Aontais ó na Cistí agus ó CEMI. Go sonrach, ba cheart líon na n-iniúchtaí a dhéantar a laghdú i gcás nach mó an caiteachas incháilithe iomlán le haghaidh oibríochta ná EUR 200 000 i gcás CFRE agus an Chiste Chomhtháthaithe, agus EUR 150 000 i gcás CSE agus EUR 100 000 i gcás an CEMI. Mar sin féin, ba cheart go mbeadh sé indéanta iniúchtaí a dhéanamh tráth ar bith i gcás ina bhfuil fianaise ann ar neamhrialtacht nó ar chalois, nó, i ndiaidh oibríocht lánchríochnaithe a dhúnadh, iad a dhéanamh mar chuid de shampla iniúchta. Ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann athbhreithniú a dhéanamh ar rian iniúchóireachta an údaráis iniúchóireachta nó go mbeadh sé in ann páirt a ghlacadh in iniúchóireachtaí ar an láthair a dhéanann an t-údarás iniúchóireachta. I gcás nach bhfaighidh an Coimisiún an dearbhú is gá maidir le feidhmiú éifeachtach an údaráis iniúchóireachta ar na bealaí sin, ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann an ghníomhaíocht iniúchóireachta a dhéanamh an athuair i gcás ina mbeidh an cleachtas sin i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo. Chun go mbeidh leibhéal na hiniúchóireachta a dhéanann an Coimisiún comhréireach leis an riosca, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann a chuid oibre iniúchóireachta a laghdú i ndáil le cláir oibríochtúla i gcás nach bhfuil aon easnaimh shuntasacha ann nó i gcás inar féidir brath ar an údarás iniúchóireachta. Chun an t-ualach riaracháin ar thairbhíthe a laghdú, ba cheart rialacha sonracha a thabhairt isteach chun an baol forluí a laghdú idir iniúchtaí ar na hoibríochtaí céanna ag institiúidí éagsúla, eadhon Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, an Coimisiún agus an t-údarás iniúchóireachta.
- (123) Chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo a fhorlónadh agus a leasú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le cód iompair Eorpach maidir le comhpháirtíochta, le forlionsaí agus leasuithe ar Roinn 4 agus Roinn 7 de CS, le critéir chun leibhéal an cheartuithe airgeadais atá le cur i bhfeidhm a chinneadh, le rialacha sonracha breise maidir le ceannach talún a chinneadh agus maidir le tacaíocht teicniúil a chomhcheangal le hionstraimí airgeadais, le rialacha sonracha breise maidir le ról, dliteanais agus freagracht comhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme, le bainistiú agus rialú ionstraimí airgeadais, leis na híocaíochtaí le hionstraimí airgeadais a tharraingt siar agus na coigearuithe iarmhartacha i leith iarratas ar íocaíochtaí, le córas caipitliú tráthchodanna bliantúla d'ionstraimí airgeadais a bhunú, le rialacha sonracha ina leagtar amach an critéir chun costais bhainistíochta agus táillí bainistíochta a chinneadh ar bhonn feidhmíochta agus ar bhonn na dtairseach is infheidhme agus rialacha áirithe maidir le costais bhainistíochta chaipitlithe agus táillí bainistíochta caipitlithe i leith ionstraimí bunaithe ar chothromas agus

micreachreidmheasa a aisíoc, leis an gcoigeartú teicniúil ar an ráta comhréidh le haghaidh oibríochtaí a ghineann glanioncam sna hearnálacha sonracha mar aon le ráta comhréidh a bhunú le haghaidh earnálacha áirithe nó fo-earnálacha áirithe, i réimsí TFC, an taighde,

na forbartha agus na núála agus na tíosachta fuinnimh agus earnálacha nó fo-earnálacha a chur isteach, leis an modheolaíocht a bheidh le húsáid chun an glanioncam lascaintithe le haghaidh oibríochtaí a ghineann glanioncam a ríomh, le roinnt rialacha sonracha a bhaineann le hoibríochtaí CPPanna a aiscur, le híoscheanglais a áireamh i gcomhaontuithe CPP ar íoscheanglais iad atá riachtanach chun maolú a chur i bhfeidhm maidir le hincháilitheacht an chaiteachais, leis an sainmhíniú ar an ráta comhréidh is infheidhme maidir le costais indíreacha le haghaidh deontas bunaithe ar mhodhanna atá ann cheana agus rátaí comhfhreagracha is infheidhme i mbeartais an Aontais, leis an modheolaíocht a bheidh le húsáid chun athbhreithniú cáilíochta a dhéanamh ar mhórhionscadal, leis na critéir chun na cásanna mírialtachta a bheidh le tuairisciú a chinneadh, leis na sonraí a bheidh le soláthar a chinneadh agus maidir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta a bheidh le cur i bhfeidhm, chun a chinneadh an ndéanfaidh na Ballstáit méideanna nach bhfuil in-aisghabhála a aisíoc, leis na sonraí a bheidh le taifeadadh agus le stóráil i bhfoirm ríomhairithe laistigh de chóras faireacháin arna mbunú ag na húdaráis bhainistíochta, leis na híoscheanglais maidir le rian iniúchóireachta, le raon feidhme agus inneachar iniúchóireachtaí agus leis an modheolaíocht samplála, leis na rialacha i dtaca le sonraí arna mbailiú le linn iniúchóireachtaí a úsáid, agus leis na critéir chun easnaimh thromchúiseacha i bhfeidhmiú éifeachtach córas bainistíochta agus rialaithe a chinneadh, chun leibhéal an cheartaithe airgeadais a bheidh le cur i bhfeidhm agus chun rátaí comhréidhe nó ceartuithe airgeadais eachtarshuite a chur i bhfeidhm. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.

- (124) Ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún, trí bhithin gníomhartha cur chun feidhme, maidir le Cistí SIE uile, cinntí a ghlacadh lena bhformheastar eilimintí na gComhaontuithe Comhpháirtíochta agus na leasuithe orthu, cinntí a ghlacadh maidir leis na cláir agus na tosaíochtaí a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as leithdháileadh an chúlchiste feidhmíochta, cinntí lena ndéantar cláir a leasú mar thoradh ar ghníomhartha ceartaitheacha a bhaineann le leithdháilte airgeadais a aistriú chuig cláir eile, cinntí maidir le pleananna bliantúla gníomhaíochta atá le maoiniú ón gcúnamh teicniúil a ghlacadh ar thionscnamh an Choimisiúin, agus, i gcás saortha, cinntí a ghlacadh chun cinntí lena nglactar cláir a leasú; agus sa mhéid a bhaineann le CFRE, le CSE agus leis an gCiste Comhtháthaithe, cinntí a ghlacadh lena sainaithnítear na réigiúin agus na Ballstáit a chomhlíonann critéir i ndáil le hinfheistiúcht le haghaidh fáis agus post, cinntí a ghlacadh lena leagtar amach an miondealú bliantúil ar leithreasuithe faoi

chomhair oibleagáidí chuig na Ballstáit, cinntí a ghlacadh lena leagtar amach an méid atá le haistriú ó leithdháileadh Ciste Comhtháthaithe gach Ballstáit chuig SCE, cinntí a ghlacadh lena leagtar amach an méid atá le haistriú ó leithdháileadh Cistí Struchtúracha gach Ballstáit chuig cabhair do na daoine is díothaí, cinntí a ghlacadh i dtaobh cé acu an ndéantar nó nach ndéantar ceartú airgeadais i gcás

neamhchomhlíonadh na breisíochta, cinntí a ghlacadh lena nglactar agus lena leasaítear cláir oibríochtúla, cinntí lena ndiúltaítear an ranníocaíocht airgeadais le mórthionscadal cinntí a ghlacadh maidir le mórthionscadail, agus cinntí a ghlacadh maidir le comhphleananna gníomhaíochta: agus sa mhéid a bhaineann le CFRE, le CSE, leis an gCiste Comhtháthaithe agus le CEMI, cinntí a ghlacadh maidir le neamhghlacadh na gcuntas agus leis an méid is inmhuirearaithe murar glacadh leis na cuntais, agus cinntí a ghlacadh maidir le ceartuithe airgeadais.

- (125) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil leis an tsamhail a bheidh le húsáid chun an tuarascáil ar dhul chun cinn a chur isteach, leis an modheolaíocht a bheidh le húsáid agus an anailís chostais is tairbhe á déanamh, leis an bhformáid d'fhaisnéis faoi mhórthionscadail, leis an tsamhail don chomhphlean gníomhaíochta, le samhail na tuarascála bliantúla agus na tuarascála deiridh ar chur chun feidhme, leis an minicíocht tuairiscithe ar neamhríaltachtaí agus leis an bhformáid tuairiscithe a bheidh le húsáid, leis an tsamhail do dhearbhu bainistíochta, agus leis na samhla don straitéis iniúcháireachta, don tuairim iniúcháireachta agus don tuarascáil bhliantúil ar rialú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.

- (126) Chun an t-ionchur is gá agus rannpháirtíocht níos fearr ó na Ballstáit a áirithiú nuair a fheidhmíonn an Coimisiún a chumhachtaí cur chun feidhme maidir leis an Rialachán seo i réimsí beartais áirithe atá an-íogair a bhaineann le Cistí SIE agus d'fhonn ról na mBallstát a neartú maidir le coinníollacha aonfhoirmeacha i réimsí den sórt sin nó bearta eile feidhmiúcháin a ghlacadh ag a bhfuil impleachtaí substaintiúla nó a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar an ngeilleagar náisiúnta, ar an mbuiséad náisiúnta nó ar fheidhmiú cuí riarachán poiblí na mBallstát, maidir leis na gníomhartha cur chun feidhme a bhaineann leis an modheolaíocht chun faisnéis a chur ar fáil maidir le tacaíocht do na cuspóirí i leith an athraithe aeráide, maidir leis na socruithe chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú chun na garspíocanna agus na spíocanna le haghaidh gach

tosaíochta a chinneadh sa chreat feidhmíochta agus chun measúnú a dhéanamh ar bhaint amach na ngarspíocanna agus na spíocanna, maidir le samhail an chomhaontaithe cistithe a bhaineann leis na hionstraimí airgeadais comhpháirteacha um ráthaíocht neamhchaidheáilte agus urrúsúchán i bhfabhar FBManá; maidir leis an ainmníocht, ar bunaithe uirthi a fhéadfar na catagóirí idirghabhála a shainiú i dtaca leis

an ais tosaíochta i gcláir oibríochtúla, maidir le tréithe teicniúla na mbeart faisnéise agus cumarsáide i ndáil leis an oibríocht agus na treoracha chun an feathal a chruthú agus a dhathanna caighdeánacha a shainiú; maidir leis an tsamhail a bheidh le húsáid nuair a thíolactar na sonraí airgeadais chuig an gCoimisiún chun críocha faireacháin chomh maith le samhla le haghaidh iarratas íocaíochta agus cuntas; maidir leis an bhformáid don fhógra maidir le mórthionscadal roghnaithe; maidir le téarmaí agus coinníollacha an mhalartaithe leictreonaigh sonraí a bhunófar i gcomhair malartuithe oifigiúla faisnéise idir na Ballstáit agus an Coimisiún, lena n-áirítear an fhaisnéis a bhaineann le freagrachtaí Ballstát, maidir leis an tsamhail do thuarascáil agus do thuairim an chomhlachta neamhspleách iniúcháireachta i ndáil le nósanna imeachta ainmniúcháin na n-udaráis bainistíochta agus, i gcás inarb iomchuí, na n-udaráis deimhniúcháin, maidir le sonraíochtaí teicniúla an chórais bhainistíochta agus rialaithe, maidir leis na socruithe mionsonraithe i ndáil le ranníocaíochtaí cláir a tharchur agus a bhainistiú i leith ionstraimí áirithe airgeadais, maidir leis na samhla a bheidh le húsáid nuair a thíolactar faisnéis bhreise a bhaineann le hionstraimí airgeadais i dteannta na n-iarratas ar íocaíochtaí chuig an gCoimisiún, leis na samhla a bheidh le húsáid agus tuarascáil faoi ionstraimí airgeadais á tabhairt don Choimisiún, ba cheart na cumhachtaí sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin faoi mar a bhunaítear é in Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

- (127) Maidir le gníomhartha cur chun feidhme áirithe atá le glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin mar a leagtar síos in Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, tá an oiread sin tábhachta do na Ballstáit leis an tionchar agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith acu go bhfuil údar maith le heisceacht a dhéanamh ón riail ghinearálta. Dá réir sin, i gcás nach dtabharfaidh an coiste aon tuairim, níor cheart go nglacfadh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme. Baineann na gníomhartha cur chun feidhme sin leis an modheolaíocht a leagan amach chun faisnéis a sholáthar maidir le tacaíocht do na cuspóirí i leith an athraithe aeráide; leis an modheolaíocht do na garspíocanna agus na spíocanna i ndáil le creat feidhmíochta a chinneadh; leis na téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha i ndáil le hionstraimí airgeadais a bhunú; leis na socruithe mionsonraithe a leagan síos i ndáil le ranníocaíochtaí cláir a aistriú agus a bhainistiú maidir le hionstraimí áirithe airgeadais; le samhail an chomhaontaithe cistithe a bhaineann leis na hionstraimí airgeadais comhpháirteacha um ráthaíocht

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

neamhchaidhpeáilte agus urrúsúchán i bhfabhar FBManna a ghlacadh; leis an tsamhail a bhunú a bheidh le húsáid agus tuarascáil faoi ionstraimí airgeadais á tabhairt don Choimisiún; leis an ainmníocht a chinneadh, ar bunaithe uirthi a fhéadfar na catagóirí idirghabhála a shainiú i dtaca leis an ais tosaíochta i gcláir oibríochtúla; le saintréithe teicniúla na mbeart faisnéise agus cumarsáide a bhunú maidir leis an oibríocht agus na treoracha chun an feathal a chruthú agus a dhathanna caighdeánacha a shainiú; leis na sonraíochtaí teicniúla a leagan síos maidir le taifeadadh agus stóráil sonraí i ndáil leis an gcóras bainistíochta agus rialaithe. Ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh feidhm ag an tríú fohmhir d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 maidir leis na gníomhartha cur chun feidhme sin.

(128) Ós rud é go dtagann an Rialachán seo in ionad Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006, ba cheart dá bhrí sin an Rialachán sin a aisghairm. Mar sin féin, níor cheart, leis an Rialachán seo, difear a dhéanamh do bhuanú nó do mhodhnú na dtionscadal lena mbaineann, go dtí go ndúnfar iad, nó do bhuanú nó do mhodhnú an chúnaimh arna fhorhmeas ag an gCoimisiún ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 nó aon reachtaíochta eile is infheidhme maidir leis an gcúnamh sin amhail an 31 Nollaig 2013. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh iarratais a dhéantar faoi Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle fós bailí. Ba cheart rialacha idirthréimhseacha speisialta a leagan síos freisin de mhaolú ar phointe (b) d'Airteagal 59(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an gcás ina bhféadfaidh údarás bainistíochta feidhmeanna an údarais deimhniúcháin a chur i gcrích do chlár oibríochtúla, a cuireadh i bhfeidhm faoin gcreat reachtach roimhe sin, a mhéid a bhaineann le measúnú ón gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 73(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle agus Airteagal 123(5) á chur i bhfeidhm agus a mhéid a bhaineann leis an nós imeachta formheasta de chuid mórthionscadal faoi phointe (a) d'Airteagal 102(1).

(129) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú, a ghnóthú go leordhóthanach mar thoradh ar mhéid na n-éagothromaíochtaí idir leibhéal forbartha na réigiún éagsúil agus ar chúlmhaireacht na réigiún is mídheisiúla agus ar an teorainn ar acmhainní airgeadais na mBallstát agus na réigiún, ach gur féidir é a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(130) D'fhonn go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CUID A HAON

ÁBHAR AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar síos leis an Rialachán seo na comhrialacha is infheidhme maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), le Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE), leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), a oibríonn faoi chomhchreat ('Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa' - 'SIE'). Leagtar síos ann freisin na forálacha atá riachtanach chun éifeachtacht Chistí SIE agus a gcomhordú le chéile agus le hionstraimí eile de chuid an Aontais a áirithiú. Déantar na comhrialacha is infheidhme maidir le Cistí SIE a leagan amach i gCuid a Dó.

I gCuid a Trí, leagtar síos na rialacha ginearálta faoina rialaithear CFRE, CSE (dá ngairtear 'Cistí Struchtúracha' le chéile) agus an Ciste Comhtháthaithe maidir le cúraimí, cuspóirí tosaíochta agus eagrúchán na gCistí Struchtúracha agus an Chiste Chomhtháthaithe (na 'Cistí'), na critéir nach mór do na Ballstáit a chomhlíonadh chun go mbeidh siad incháilithe do thacaíocht ó Chistí SIE, na hacmhainní airgeadais atá ar fáil agus na critéir chun iad a leithdháileadh.

I gCuid a Ceathair, leagtar síos na rialacha ginearálta is infheidhme maidir leis na Cistí agus CEMI maidir le bainistiú agus rialú, bainistíocht airgeadais, cuntais agus ceartúcháin airgeadais.

Beidh feidhm ag na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo gan dochar do na forálacha a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ agus do na forálacha sonracha a leagtar síos sna Rialacháin seo a leanas (na 'Rialacháin Chiste-shonracha') i gcomhréir leis an gcúigiú mír den Airteagal seo:

(1) Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 ('Rialachán CFRE').

(2) Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ('Rialachán CSE').

(3) Rialachán (AE) Uimh. 1300/2013 ('Rialachán CC').

(4) Rialachán (AE) Uimh. 1299/2013 ('Rialachán CCE').

(5) Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ('Rialachán CETFT'). agus

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013, maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (Féach leathanach 549 den Iris Oifigiúil seo).

(6) gníomh todhcháí de chuid an Aontais lena mbunófar na coinníollacha maidir le tacaíocht airgeadais le haghaidh beartais mhuirí agus iascaigh do chlárthréimhse 2014 go dtí 2020 ("Rialachán CEMI").

Beidh feidhm ag Cuid a Dó den Rialachán seo maidir le gach ceann de na Cistí SIE ach amháin nuair a cheadaítear go sainráite do mhaoluithe. I gCuid a Trí agus i gCuid a Ceathair den Rialachán seo leagfar síos rialacha atá comhlántach le Cuid a Dó agus a bhfuil feidhm acu faoi seach leis na Cistí agus leis na Cistí agus an CEMI agus féadfar maoluithe a cheadú go sainráite sna Rialacháin Chiste-shonracha lena mbaineann. Féadfaidh na Rialacháin Chiste-shonracha rialacha a shuí atá comhlántach le Cuid a Dó den Rialachán seo i gcás Chistí SIE, atá comhlántach le Cuid a Trí den Rialachán seo i gcás na gCistí agus atá comhlántach le Cuid a Ceathair den Rialachán seo i gcás na gCistí agus CEMI. Ní bheidh na rialacha comhlántacha sna Rialacháin Chiste-shonracha contrártha do Chuid a Dó, do Chuid a Trí ná do Chuid a Ceathair den Rialachán seo. I gcás ina mbíonn amhras faoin gcur i bhfeidhm idir forálacha, beidh tosaíocht ag Cuid a Dó den Rialachán seo ar na rialacha Ciste-shonracha, agus beidh tosaíocht ag Cuid a Dó, Cuid a Trí agus Cuid a Ceathair den Rialachán seo ar na Rialacháin Chiste-shonracha.

Airteagal 2

Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn 'straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach' na spriocanna agus na cuspóirí roinnte atá mar threoraíocht ag gníomhaíocht na mBallstát agus an Aontais a leagtar amach sna Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach an 17 Meitheamh 2010 mar Iarscríbhinn I (Straitéis Nua Eorpach le haghaidh Post agus Fáis, Ceannspriocanna AE), i Moladh ón gComhairle an 13 Iúil 2010 ⁽¹⁾ agus i gCinneadh 2010/707/AE ón gComhairle ⁽²⁾, agus in aon leasú a dhéantar ar na spriocanna agus ar na cuspóirí roinnte sin.
- (2) is é atá i gceist le 'creat um beartais straitéiseacha' doiciméad nó tacar doiciméad arna bhunú ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach, ina leagtar amach líon teoranta de thosaíochtaí comhleanúnacha arna mbunú ar bhonn fianaise agus ina leagtar amach creat ama do chur chun feidhme na dtosaíochtaí sin agus a bhféadfaidh sásra faireacháin a bheith ar áireamh ann;
- (3) ciallaíonn 'straitéis um speisialtóireacht chliste' straitéisí nuálaíochta náisiúnta nó réigiúnacha lena leagtar síos tosaíochtaí chun buntáiste iomaíochta a fhorbairt trí láidreachtaí dílse sa taighde agus sa nuálaíocht a fhorbairt agus a mheaitseáil le riachtanais ghnó d'fhonn aghaidh a thabhairt, ar shlí chomhleanúnach, ar dheiseanna atá ag teacht chun cinn agus ar fhorbairtí sa mhargadh, agus ag an am céanna dúbailt agus ilroinnt na n-iarrachtaí a sheachaint, agus féadfaidh straitéis um speisialtóireacht chliste a bheith i bhfoirm creata náisiúnta nó réigiúnaigh um beartais straitéiseacha do thaighde agus do nuálaíocht (T&N), nó féadfaidh sí a bheith ar áireamh ann;
- (4) ciallaíonn 'rialacha Ciste-shonracha' forálacha a leagtar síos i gCuid a Trí nó i gCuid a Ceathair den Rialachán seo nó i Rialachán lena rialaítear ceann amháin nó níos mó de Chistí SIE a liostaítear sa cheathrú mír d'Airteagal 1;
- (5) ciallaíonn 'cláreagrú' próiseas eagrúcháin, cinnteoireachta agus leithdháilte na n-acmhainní airgeadais i gcéimeanna éagsúla, agus na comhpháirtithe bainteach leis i gcomhréir le hAirteagal 5, agus é beartaithe leis sin gníomhaíocht arna déanamh go comhpháirteach ag an Aontas agus na Ballstáit a chur chun feidhme, ar bhonn ilbhliantúil, chun cuspóirí straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a bhaint amach;
- (6) ciallaíonn 'clár' 'clár oibríochtaí' faoi mar a thagraítear dó i gCuid a Trí nó i gCuid a Ceathair den Rialachán seo agus i Rialachán CEMI agus 'clár forbartha tuaithe' faoi mar a thagraítear dó i Rialachán CETFT;
- (7) ciallaíonn 'limistéar an chláir' limistéar geografach a chumhdaítear ag clár sonrach nó, i gcás cláir a chumhdaíonn níos mó nó catagóir amháin réigiúin, an limistéar geografach a chomhfhreagraíonn do gach catagóir réigiúin ar leith;
- (8) ciallaíonn 'tosaíocht' i gCuid a Dó agus i gCuid a Ceathair den Rialachán seo an 'ais tosaíochta' dá dtagraítear i gCuid a Trí den Rialachán seo i ndáil le CFRE, le CSE agus leis an gCiste Comhtháthaithe, agus 'tosaíocht Aontais' dá dtagraítear i Rialachán CEMI agus i Rialachán CETFT;
- (9) ciallaíonn 'oibríocht' tionscadal, conradh, gníomhaíocht nó grúpa de thionscadail arna roghnú ag údaráis bhainistíochta na gclár lena mbaineann, nó faoina gcúram, a rannchuidíonn le cuspóirí na tosaíochta gaolmhara nó na dtosaíochtaí gaolmhara; i gcomhthéacs ionstraimí airgeadais, is éard is oibríocht ann ranníocaíochtaí airgeadais ó chlár le hionstraimí airgeadais agus an tacaíocht airgeadais ina dhiaidh sin a thugann na hionstraimí airgeadais sin;
- (10) ciallaíonn 'tairbhí' comhlacht poiblí nó príobháideach agus, chun críocha Rialachán CETFT agus Rialachán CEMI amháin, duine nádúrtha atá freagrach as oibríochtaí a thionscnamh nó oibríochtaí a thionscnamh agus a chur chun feidhme araon; agus i gcomhthéacs scéimeanna Státchabhrach, de réir mar a shainítear iad i bpointe 13 den Airteagal seo, an comhlacht a fhaigheann an chabhair; i gcomhthéacs ionstraimí airgeadais faoi Theideal IV de Chuid II den Rialachán seo, comhlacht a dhéanann an ionstraim airgeadais, nó ciste de chistí de réir mar is iomchuí, a chur chun feidhme;
- (11) ciallaíonn 'ionstraimí airgeadais' ionstraimí airgeadais faoi mar a shainmhínítear sa Rialachán Airgeadais iad, ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo;

⁽¹⁾ Moladh ón gComhairle an 13 Iúil 2010 maidir le treoirilínte leathana le haghaidh bheartais eacnamaíochta na mBallstát agus an Aontais (IO L 191, 23.7.2010, lch. 28)

⁽²⁾ Cinneadh 2010/707/AE ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2010 maidir le treoirilínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát (IO L 308, 24.11.2010, lch. 46).

- (12) ciallaíonn 'faighteoir deiridh' duine dlítheanach nó duine nádúrtha a fhaigheann tacaíocht airgeadais ó ionstraim airgeadais;
- (13) ciallaíonn 'Státchabhair' cabhair a thig faoi Airteagal 107(1) CFAE agus, chun críocha an Rialacháin seo, measfar go gclúdaíonn sí cabhair de minimis de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1998/2006 ón gCoimisiún ⁽¹⁾, Rialachán (CE) Uimh. 1535/2007 ⁽²⁾ ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 875/2007 ón gCoimisiún ⁽³⁾;
- (14) ciallaíonn 'oibríocht lánchríochnaithe' oibríocht atá lánchríochnaithe go fisiceach nó curtha chun feidhme go hiomlán agus a bhfuil na híocaíochtaí gaolmhara go léir ina leith íoctha ag tairbhíthe agus a bhfuil an ranníocaíocht phoiblí chomhfhreagrach ina leith íoctha leis na tairbhíthe;
- (15) ciallaíonn 'caiteachas poiblí' aon ranníocaíocht phoiblí leis na hoibríochtaí a mhaoiniú arb is foinse dó buiséad údarás poiblí náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, buiséad an Aontais a bhaineann le Cistí SIE, buiséad comhlachtaí dlí phoiblí nó buiséad comhlachas d'údarás phoiblí nó de chomhlachtaí dlí phoiblí agus, chun críche an ráta cómhaoinithe do chlár CSE nó do thosaíochtaí a chinneadh, féadfar a áireamh ann aon acmhainní airgeadais arna gcomhdhéanamh go comhchoiteann ag fostóirí agus ag oibríthe;
- (16) ciallaíonn 'comhlacht dlí phoiblí' aon chomhlacht arna rialú faoin dlí poiblí de réir bhrí phointe 9 d'Airteagal 1 de Threoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ agus aon ghrúpáil Eorpach um chomhar críochach (EGTC) arna bunú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾, is cuma cé acu an meastar EGTC a bheith ina chomhlacht dlí phoiblí nó ina chomhlacht dlí phríobháidigh faoi na forálacha cur chun feidhme náisiúnta ábhartha;
- (17) ciallaíonn 'doiciméad' páipéar nó meán leictreonach ina bhfuil faisnéis atá ábhartha I gcomhthéacs an Rialacháin seo;
- (18) ciallaíonn 'comhlacht idirmheánach' aon chomhlacht poiblí nó príobháideach a ghníomhaíonn faoi chúram údarás bhainistíochta nó deimhniúcháin, nó a dhéanann dualgais thar ceann údarás den sórt sin, i ndáil le hoibríochtaí cur chun feidhme na dtairbhíthe;
- (19) ciallaíonn 'straitéis um fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail' tacar comhleanúnach oibríochtaí arb é is cuspóir dóibh cuspóirí agus riachtanais áitiúla a chomhlíonadh, agus a rannchuidíonn le straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a chur i gcrích, agus a ndéanann grúpa gníomhaíochta áitiúil í a cheapadh agus a chur chun feidhme;
- (20) ciallaíonn 'Comhaontú Comhpháirtíochta' doiciméad a ullmhaíonn Ballstát i bpáirt leis na comhpháirtíthe i gcomhréir le cur chuige an rialachais il-leibhéil, lena leagtar amach straitéis, tosaíochtaí agus socrúithe an Bhallstáit sin maidir le Cistí SIE a úsáid ar shlí atá éifeachtach agus éifeachtúil ionas go ndéanfar straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a shaothrú, agus atá formheasta ag an gCoimisiún tar éis measúnú a bheith déanta air agus comhphlé a bheith déanta air leis an mBallstát i dtrácht;
- (21) ciallaíonn 'catagóir réigiún' catagóiríú na réigiún mar 'réigiúin bheagfhorbartha', 'réigiúin trasdula' nó 'réigiúin níos forbartha' i gcomhréir le hAirteagal 90(2);
- (22) ciallaíonn 'iarraidh ar íocaíocht' iarratas ar íocaíocht nó dearbhú caiteachais arna chur faoi bhráid an Choimisiúin ag an mBallstát;
- (23) ciallaíonn 'BEI' an Banc Eorpach Infheistíochta, an Ciste Eorpach Infheistíochta nó aon fhochuideachta den Bhanc Eorpach Infheistíochta;
- (24) ciallaíonn "comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha" (CPPanna), cineálacha comhair idir comhlachtaí poiblí agus an earnáil phríobháideach, a bhfuil sé mar aidhm leo feabhas a chur ar infheistíochtaí a thabairt i gcrích i dtionscadail bhonneagair nó i gcineálacha eile oibríochtaí, a sholáthraíonn seirbhísí poiblí trí chomhroinnt riosca, trí shaineolas na hearnála príobháidí a chomhthiomsú nó trí fhoinis breise caipitil.
- (25) ciallaíonn 'oibríocht CPP' oibríocht a chuirtear chun feidhme nó a bhfuil sé beartaithe í a chur chun feidhme faoi struchtúr comhpháirtíochta príobháidí poiblí;
- (26) ciallaíonn 'cuntas eascró' cuntas bainc a chumhdaítear le comhaontú i scríbhinn idir an t-údarás bainistíochta nó comhlacht idirmheánach agus an comhlacht a chuireann an ionstraim airgeadais chun feidhme, nó, i gcás oibríocht CPP, comhaontú i scríbhinn idir an tairbhí ar comhlacht poiblí é agus an comhpháirtí príobháideach a bheidh formheasta ag an údarás bainistíochta nó ag comhlacht idirmheánach, a chuirtear ar bun go sonrach chun cistí a shealbhú a bheidh le híoc amach tar éis na tréimhse incháilitheachta, chun na gcríoch dá bhforáiltear i bpointe (c) d'Airteagal 42(1), in Airteagal 42(2), in Airteagal 42(3) agus in Airteagal 64 agus chun na gcríoch sin amháin, nó ciallaíonn sé cuntas bainc a chuirtear ar bun ar théarmaí lena soláthraítear ráthaíochtaí coibhéiseacha maidir leis na híocaíochtaí asna cistí;

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1998/2006 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2006 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 87 agus Airteagal 88 den Chonradh maidir le cabhair de minimis (IO L 379, 28.12.2006, lch. 5).

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1535/2007 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2007 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 87 agus Airteagal 88 de Chonradh CE maidir le cabhair de minimis in earnáil na táirgeachta talmhaíochta (IO L 337, 21.12.2007, lch. 35).

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 875/2007 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2007 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 87 agus Airteagal 88 de Chonradh CE maidir le cabhair de minimis in earnáil an iascaigh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1860/2004 (IO L 193, 25.7.2007, lch. 6).

⁽⁴⁾ Treoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2004 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí a chomhordú (IO L 134, 30.4.2004, lch. 114).

⁽⁵⁾ Rialachán (EC) Uimh. 1082/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le grúpáil Eorpach um chomhar críochach (IO L 210, 31.7.2006, lch. 19).

- (27) ciallaíonn 'ciste de chistí' ciste a chuirtear ar bun agus é de chuspóir leis tacaíocht ó chlár nó ó chlár a rannchuidiú le roinnt ionstraimí airgeadais. I gcás ina gcuirtear ionstraimí airgeadais chun feidhme trí chiste de chistí, measfar gurb é an comhlacht a chuireann an ciste de chistí chun feidhme an t-aon tairbhí amháin de réir bhrí phointe 10 den Airteagal seo;
- (28) ciallaíonn 'FBM' micrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide de réir mar a shainmhínítear é i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún ⁽¹⁾;
- (29) ciallaíonn 'bliain chuntasaíochta', chun críocha Chuid a Trí agus Chuid a Ceathair, an tréimhse ón 1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh, ach amháin sa chéad bhliain chuntasaíochta den chlártréimhse, ar ina leith a chiallaíonn sé an tréimhse ó dháta tosaigh na hincháilitheachta caiteachais go dtí an 30 Meitheamh 2015. Beidh an bhliain chuntasaíochta deiridh ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024;
- (30) ciallaíonn 'bliain airgeadais', chun críocha Chuid a Trí agus Chuid a Ceathair, an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig;
- (31) ciallaíonn 'straitéis mhacraireigiúnach' creat comhtháite a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach, a fhéadfaidh tacaíocht a fháil ó Chistí SIE as measc cistí eile, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán choiteanna a bhíonn os comhair limistéir gheografaigh shainithe a bhaineann le Ballstáit agus tríú tíortha atá lonnaithe sa limistéar geografach céanna, a bhaineann tairbhe, ar an tslí sin, as comhar neartaithe a rannchuidíonn le baint amach an chomhtháthaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chríochoigh;
- (32) ciallaíonn 'straitéis imchuach farraige' creat struchtúrach comhair i dtaca le limistéar geografach ar leith, arna fhorbairt ag institiúidí an Aontais, ag na Ballstáit, ag a gcuid réigiún agus, i gcás inarb iomchuí, ag tríú tíortha a roinneann imchuach farraige; cuirtear san áireamh i straitéis imchuach farraige sainiúlachtaí geografacha, aeráide, eacnamaíochta agus polaitiúla an imchuach farraige;
- (33) ciallaíonn 'coinníollacht ex ante is infheidhme' toisc chriticiúil atá nithiúil agus réamhshainithe go cruinn, atá ina réamhriachtanas chun an sainchuspóir i ndáil le tosaíocht infheistíochta nó le tosaíocht Aontais a bhaint amach ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil, agus a bhfuil nasc díreach agus dílis aici leis an méid sin chomh maith le tionchar díreach aici air;
- (34) ciallaíonn 'sainchuspóir' an toradh lena rannchuidíonn tosaíocht infheistíochta nó tosaíocht Aontais i gcomhthéacs sonrath náisiúnta nó réigiúnach trí ghníomhaíochtaí nó trí bhearta a dhéantar faoi chuimsiú tosaíochta den sórt sin;
- (35) ciallaíonn 'moltaí tír-shonracha ábhartha arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 121(2) CFAE' agus 'moltaí ábhartha ón gComhairle arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 148(4) CFAE' moltaí a bhaineann le dúshlán struchtúracha arb iomchuí aghaidh a thabhairt orthu trí infheistíochtaí ilbhliantúla a dhéanamh, ar infheistíochtaí iad a thagann go díreach faoi raon feidhme Chistí SIE de réir mar a leagtar amach sna Rialacháin Chiste-shonracha;
- (36) ciallaíonn 'neamhrialtacht' aon chás ina sáraítear foráil dhlí an Aontais, nó an dlí náisiúnta a bhaineann lena chur i bhfeidhm, ar sárú é a bheidh mar thoradh ar ghníomh nó ar fhail a dhéanann oibreoir eacnamaíochta a bhfuil baint aige le cur chun feidhme Chistí SIE, a bhfuil sé d'éifeacht aige, nó a bheadh, dochar a dhéanamh do bhuiséad ginearálta an Aontais trí ábhar caiteachais gan údar maith a ghearradh ar bhuiséad ginearálta an Aontais;
- (37) ciallaíonn 'oibreoir eacnamaíoch' aon duine nádúrtha nó dlítheanach nó eintiteas eile a ghlacann páirt i gcur chun feidhme an chúnaimh ó Chistí SIE, cé is moite de Ballstát a fheidhmíonn a shainchumais mar údarás poiblí;
- (38) ciallaíonn 'neamhrialtacht shistéamach' aon neamhrialtacht, lena n-áirítear neamhrialtacht a fhéadfaidh bheith de chineál athfhillteach, agus gur dóchúil go mbeidh sí ag tarlú in oibríochtaí den chineál céanna, rud a bheidh mar thoradh ar easnamh tromchúiseach i bhfeidhmiú éifeachtach na gcóras bainistíochta agus rialaithe, lena n-áirítear i gcás nach mbeidh nósanna imeachta iomchuí bunaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis na rialacha Ciste-shonracha;
- (39) ciallaíonn 'easnamh tromchúiseach i bhfeidhmiú éifeachtach an chórais bhainistíochta agus rialaithe', chun críocha cur chun feidhme na gCistí agus CEMI faoi Chuid a Cheathair, easnamh a éilíonn feabhsuithe substaintiúla sa chóras, a nochtann na Cistí agus CEMI chun riosca suntasach maidir le neamhrialtachtaí, agus nach comhoiriúnach iad le tuairim iniúchóireachta neamhchálithe maidir le feidhmiú an chórais bhainistíochta agus rialaithe.

Airteagal 3

Teorainneacha ama a ríomh le haghaidh cinní ón gCoimisiún

I gcás ina leagtar síos teorainn ama de bhun Airteagail 16(2) agus (3), 29(3), 30(2) agus (3), 102(2), 107(2), agus 108(3) maidir le cinneadh a ghlacadh nó a leasú ag an gCoimisiún, trí bhithin gnímh cur chun feidhme, ní áireofar leis an teorainn ama an tréimhse a thosóidh ar an dáta i ndiaidh an dáta a chuireann an Coimisiún a chuid barúlacha curtha chuig na Ballstáit agus a mhairfidh go dtí go dtugann na Ballstáit freagairt ar na barúlacha sin.

⁽¹⁾ Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

CUID A DÓ**FORÁLACHA COITEANNA IS INFHEIDHME MAIDIR LE CISTÍ SIE**

TEIDEAL I

PRIONSABAIL MAIDIR LE TACAÍOCHT AONTAIS DO CHISTÍ SIE*Airteagal 4***Prionsabail ghinearálta**

1. Déanfar tacaíocht a sholáthar ó Chistí SIE, trí chlár ilbhliantúla, agus comhlánóidh an tacaíocht sin an idirghabháil ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, chun straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a thabhairt i gcrích, agus freisin trí mhísin Chiste-shonracha de bhun a gcuspóirí atá bunaithe ar na Conarthaí, lena n-áirítear comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach agus cuirfear san áireamh Treoirlínte Comhtháite Eoraip 2020 agus na moltaí tír-shonracha ábhartha arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 121(2) CFAE agus na moltaí ábhartha ón gComhairle arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 148(4) CFAE agus, i gcás inarb iomchuí ar an leibhéal náisiúnta, an Clár Náisiúnta um Athchóiriú.

2. Áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit, agus aird á tabhairt acu ar chomhthéacs sonrach gach Ballstáit, go bhfuil an tacaíocht ó Chistí SIE comhsheasmhach le beartais ábhartha, le prionsabail chothrománacha dá dtagraítear in Airteagal 5, in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 agus le tosaíochtaí an Aontais, agus go bhfuil sí ina comhlánú ar ionstraimí eile de chuid an Aontais.

3. Cuirfear tacaíocht ó Chistí SIE chun feidhme i ndlúth-chomhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta.

4. Beidh na Ballstáit, ar an leibhéal críochach iomchuí, i gcomhréir lena gcreat institiúideach, dlí agus airgeadais, agus na comhlachtaí arna n-ainmniú acu chuige sin freagrach as clár a ullmhú agus a chur chun feidhme agus as a gcúraimí a chur i gcrích, i gcomhpháirtíocht leis na comhpháirtithe ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 5, ar mhodh a chomhlíonfaidh an Rialachán seo agus na rialacha Ciste-shonracha.

5. Maidir leis na socrúithe i ndáil le cur chun feidhme agus úsáid Chistí SIE, agus go háirithe na hacmhainní airgeadais agus riaracháin is gá chun Clár a ullmhú agus a chur chun feidhme, i dtaca le faireachán, tuairisciú, meastóireacht, bainistiú agus rialú, urramóidh na socrúithe sin prionsabal na comhréireachta, agus aird á tabhairt ar an leibhéal tacaíochta a leithdháiltear agus cuirfear san áireamh an aidhm fhoriomlán i leith ualaí riaracháin ar chomhlachtaí a bhíonn bainteach le bainistiú agus rialú na gclár a laghdú.

6. I gcomhréir lena bhfreagrachtaí faoi seach, áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit comhordú idir Cistí SIE agus idir Cistí SIE agus beartais, straitéisí agus ionstraimí ábhartha eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear na beartais, na straitéisí agus na hionstraimí sin atá faoi chuimsiú gníomhaíocht sheachtrach an Aontais.

7. Déanfar an chuid de bhuiséad an Aontais arna leithdháileadh ar Chistí SIE a chur chun feidhme faoi chuimsiú na bainistíochta roinnte idir na Ballstáit agus an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 59(b) den Rialachán Airgeadais, cé is moite de mhéid na tacaíochta ón gCiste Comhtháthaithe arna aistriú chuig SCE dá dtagraítear in Airteagal 92(6) den Rialachán seo, de ghníomhaíochtaí nuálacha ar thionscnamh an Choimisiúin faoi Airteagal 8 (ex-9) de Rialachán CFRE, de chúnamh teicniúil ar thionscnamh an Choimisiúin agus de thacaíocht le haghaidh bainistíochta díri faoi Rialachán CEMI.

8. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 30 den Rialachán Airgeadais.

9. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit éifeachtacht Chistí SIE a áirithiú le linn ullmhaithe agus cur chun feidhme, a mhéid a bhaineann le faireachán, le meastóireacht agus le tuairisciú.

10. Comhlíonfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit a ról faoi seach maidir le Cistí SIE agus é mar aidhm acu an t-ualach riaracháin ar thairbhíthe a laghdú.

*Airteagal 5***Comhpháirtíocht agus rialachas il-leibhéil**

1. I gcás an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus gach clár aonair, déanfaidh gach Ballstát i gcomhréir lena gcreat institiúideach agus dlíthiúil comhpháirtíocht a eagrú leis na húdaráis inniúla réigiúnacha agus áitiúla. Déanfar na comhpháirtithe seo a leanas a áireamh sa chomhpháirtíocht freisin:

- (a) údaráis inniúla uirbeacha agus údaráis inniúla phoiblí eile;
- (b) comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta; agus
- (c) comhlachtaí ábhartha a dhéanann ionadaíocht thar ceann na sochaí sibhialta, lena n-áirítear comhpháirtithe comhshaoil, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus comhlachtaí atá freagrach as cuimsiú sóisialta, comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn.

2. I gcomhréir le cur chuige an rialachais il-leibhéil, déanfaidh na Ballstáit na comhpháirtithe dá dtagraítear i mír 1 a tharraingt isteach in ullmhú na gComhaontuithe Comhpháirtíochta agus na dtuarascálacha ar dhul chun cinn agus déanfaidh siad é sin i rith an phróisis iomlán a bhaineann le hullmhú agus le cur chun feidhme na gclár, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht sna coistí faireacháin do na clár i gcomhréir le hAirteagal 48.

3. Cumhachtófar don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 149 chun foráil a dhéanamh do chód iompair Eorpach maidir le comhpháirtíocht (an 'cód iompair') chun tacú le Ballstáit in eagrú na comhpháirtíochta i gcomhréir le mír 1 agus le mír 2 den Airteagal seo,

agus chun an Ballstáit a éascú sa mhéid sin. Sa chód iompair sin, leagfar amach an creat ar laistigh de a dhéanfaidh na Ballstáit, i gcomhréir lena gcreat institiúideach agus dlíthiúil mar aon lena n-inniúlachtaí náisiúnta agus réigiúnacha, cur chun feidhme na comhpháirtíochta a shaothrú. Agus prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta á n-urramú go hiomlán ann, leagfar síos na heilimintí seo a leanas sa chód iompair:

- (a) na príomhphrionsabail a bhaineann leis na nósanna imeachta trédhearcacha a bhfuiltear le déanamh dá réir chun na comhpháirtithe ábhartha a shainaithint lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, a mbrateagraíochtaí chun na Ballstáit a éascú, i gcomhréir lena gcreat institiúideach agus dlí, na comhpháirtithe ábhartha is mó ionadaíocht a ainmniú;
- (b) na príomhphrionsabail agus na dea-chleachtais a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht na gcatagóirí éagsúla de chomhpháirtithe ábhartha, amhail a leagtar amach i mír 1, in ullmhú an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus na gclár, a bhaineann leis an bhfaisnéis atá le soláthar a bhaineann lena rannpháirtíocht, mar aon leis na céimeanna éagsúla den chur chun feidhme;
- (c) na dea-chleachtais a mhéid a bhaineann le rialacha ballraíochta agus nósanna imeachta inmheánacha na gcoistí faireacháin a chur le chéile, ar rialacha agus nósanna imeachta iad atá le cinneadh, de réir mar is iomchuí, ag na Ballstáit nó ag coistí faireacháin na gclár i gcomhréir le forálacha ábhartha an Rialacháin seo agus na rialacha Ciste-shonracha;
- (d) na príomhchuspóirí agus dea-chleachtais i gcásanna ina ndéanann an t-údarás bainistíochta na comhpháirtithe ábhartha a tharraingt isteach in ullmhú na nglanna ar thograí agus go háirithe na dea-chleachtais chun coinbheachtaí leasa a fhéadfaidh tarlú a sheachaint i gcásanna inarb indéanta gur tairbhíthe ionchasacha freisin iad comhpháirtithe ábhartha, agus na príomhchuspóirí agus na cleachtais is fearr maidir le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe ábhartha in ullmhú na dtuarascálacha ar dhul chun cinn agus i ndáil le faireachán agus meastóireacht na gclár i gcomhréir le forálacha ábhartha an Rialacháin seo agus na rialacha Ciste-shonracha;
- (e) na réimsí tascacha, téamaí tascacha agus dea-chleachtais thascacha a bhaineann leis an gcaoi a bhféadfaidh údarais inniúla na mBallstát Cistí SIE a úsáid, lena n-áirítear cúnaimh teicniúil le linn dóibh cumas institiúideach na gcomhpháirtithe ábhartha a neartú i gcomhréir le forálacha ábhartha an Rialacháin seo agus na rialacha Ciste-shonracha;
- (f) ról an Choimisiúin i scaipeadh na ndea-chleachtais;
- (g) na príomhphrionsabail agus na dea-chleachtais a oireann chun measúnú na mBallstát ar chur chun feidhme na comhpháirtíochta agus ar a breisluach a éascú.

Ní bheidh forálacha an chóid iompair contrártha ar aon slí d'fhorálacha ábhartha an Rialacháin seo ná do na rialacha Ciste-shonracha.

4. Déanfaidh an Coimisiún, faoin 18 Aibreán 2014, fógra a thabhairt go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle i leith an ghnímh tharmiligthe dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo maidir leis an gcód iompair Eorpach ar chomhpháirtíocht. Ní shonrófar dáta teacht i bhfeidhm sa ghníomh tarmiligthe a bheidh níos luaithe ná an dáta a ndéanfar é a ghlacadh.

5. Maidir le sárú ar aon oibleagáid a fhorchuirtear ar Bhallstáit cibé ar leis an Airteagal seo é nó le gníomh tarmiligthe a ghlactar de bhun mhír 3 den Airteagal seo é, ní fhéadfaidh sé a bheith ina mhíriltacht as a leanann ceartúchán airgeadais de bhun Airteagal 85.

6. Uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad, i gcás gach ceann de Chistí SIE, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann na gcomhpháirtithe ar leibhéal an Aontais maidir le cur chun feidhme na tacaíochta ó Chiste SIE sin agus tíolacfaidh sé tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis an toradh.

Airteagal 6

Comhlíonadh dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta

Comhlíonfaidh na hoibríochtaí a thacófar leo trí Chistí SIE dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme a bhaineann lena chur i bhfeidhm ('dlí infheidhme').

Airteagal 7

Comhionannas idir fir agus mná agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn

Áiríteoidh na Ballstáit agus an Coimisiún go gcuirfeadh comhionannas idir fir agus mná agus comhtháthú na gné inscne san áireamh agus go gcuirfeadh chun cinn iad i rith ullmhú agus chur chun feidhme na gclár, lena n-áirítear maidir le faireachán, tuairiscí agus meastóireacht.

Glacfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún na céimeanna iomchuí chun aon idirdhealú atá bunaithe ar inscne, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar chlaonadh gnéasach a chosc le linn na cláir a ullmhú agus a chur chun feidhme. Go háirithe, déanfar inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a chur san áireamh i rith ullmhú agus chur chun feidhme na gclár.

Airteagal 8

Forbairt inbhuanaithe

Saothrófar cuspóirí Chistí SIE i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe agus leis an gcur chun cinn a dhéanann an tAontas ar an aidhm maidir le cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú, de réir mar a leagtar amach in Airteagal 11 agus in Airteagal 191(1) CFAE, agus an prionsabal 'íoc mar a thruaillítear' á chur san áireamh ag an am céanna.

Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún go gcuirfead ceanglais chosaint an chomhshaoil, éifeachtúlacht acmhainní, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide, bithéagsúlacht, athléimneacht ó thubaistí agus cosc ar rioscaí agus bainistíocht riosca chun cinn agus na Comhaontuithe Comhpháirtíochta agus na cláir á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme. Tabharfaidh na Ballstáit faisnéis faoin tacaíocht a thugtar do chuspóirí i leith an athraithe aeráide agus modheolaíocht atá bunaithe ar na catagóirí idirghabhála, na réimsí tosaíochta fócais nó ar na bearta, de réir mar is iomchuí, do gach Ciste SIE á húsáid acu. Is é a bheidh sa mhodheolaíocht sin ná ualú sonracha a shannadh don tacaíocht arna soláthar faoi Chistí SIE ar leibhéal a léiríonn a mhéid rannchuidiú a thugann tacaíocht den sórt sin do chuspóirí maidir le maolú ar an athrú aeráide agus le hoiriúnú don athrú aeráide. Déanfar an t-ualú sonracha sannta a dhifreáil bunaithe ar cé acu a dhéanann an tacaíocht rannchuidiú suntasach nó measartha ionsar chuspóirí i leith an athraithe aeráide. I gcás nach rannchuidíonn an tacaíocht leis na cuspóirí sin nó i gcás nach rannchuidiú suntasach é, déanfar ualú nialais a shannadh. I gcás CFRE, CSE agus an Chiste Chomhtháthaithe, cuirfead na hualaithe i gceangal le catagóirí idirghabhála arna mbunú laistigh den ainmníocht arna glacadh ag an gCoimisiún. I gcás CETFT, cuirfead na hualaithe i gceangal leis na réimsí tosaíochta fócais a leagtar amach i Rialachán CETFT agus i gcás CEMI, cuirfead na hualaithe i gceangal le bearta a leagtar amach i Rialachán CEMI.

Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme, coinníollacha aonfhoirmeacha a leagan amach do gach ceann de Chistí SIE maidir le cur i bhfeidhm na modheolaíochta seo dá dtagraítear sa dara mír. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 150(3).

TEIDEAL II

CUR CHUIGE STRAITÉISEACH

CAIBIDIL I

Cuspóirí téamacha le haghaidh na gCistíChistí SIE agus le haghaidh an Chomhchreata Straitéisigh

Airteagal 9

Cuspóirí téamacha

Chun rannchuidiú le straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach mar aon le misin Chiste-shonracha de bhun a gcuspóirí atá bunaithe ar na Conarthaí, lena n-áirítear comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, tacóidh gach ceann de Chistí SIE leis na cuspóirí téamacha seo a leanas:

- (1) taighde, forbairt teicneolaíochta agus nuálaíocht a neartú;
- (2) úsáid agus cáilíocht TFC agus rochtain orthu a fheabhsú;
- (3) iomaíochas FBManna, earnáil na talmhaíochta (i gcás CETFT) agus earnáil an iascaigh agus an docharshaothraithe (i gcás CEMI) a fheabhsú;
- (4) tacú leis an aistriú i dtreo geilleagair ísealcharbóin sna hearnálacha uile;

- (5) oiriúnú don athrú aeráide, cosc ar rioscaí agus bainistíocht riosca a chur chun cinn;
- (6) an comhshaoil a chaomhnú agus a chosaint agus éifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn;
- (7) iompar inbhuanaithe a chur chun cinn agus scrogaill i bpríomhbhonneagair ghréasáin a bhaint;
- (8) fostaíocht inbhuanaithe agus d'ardchaighdeán a chur chun cinn agus tacú le soghluaisteacht an lucht saothair;
- (9) cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, an bhochtaineacht agus aon idirdhealú a chomhrac;
- (10) infheistiú in oideachas, in oiliúint agus i ngairmoiliúint le haghaidh scileanna agus foghlama ar feadh an tsaoil;
- (11) cumas institiúideach údarás poiblí agus geallsealbhóirí agus riarachán poiblí éifeachtúil a fheabhsú.

Déanfar na cuspóirí téamacha a aistriú ina dtosaíochtaí a bhainfidh go sonracha le gach ceann de Chistí SIE agus a leagan amach sna rialacha Ciste-shonracha.

Airteagal 10

Comhchreat Straitéiseach

1. Chun forbairt chomhchuí, chothromúil agus inbhuanaithe an Aontais a chur chun cinn, bunófar leis seo an Comhchreat Straitéiseach ('CS'), faoi mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I é. Le CS, bunaítear treoirphrionsabail straitéiseacha chun an próiseas cláreagraithe agus comhordú earnálach agus críochach na hidirghabhála a dhéanann an tAontas faoi Chistí SIE agus le beartais agus ionstraimí ábhartha eile Aontais a éascú i gcomhréir le spriocanna agus cuspóirí straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, agus na príomhdhúshláin chríochacha i gcás cineálacha éagsúla críoch á gcur san áireamh.

2. Maidir leis na treoirphrionsabail straitéiseacha amhail a leagtar amach in CS, bunófar iad i gcomhréir le cuspóir agus laistigh de raon feidhme an chúinimh a sholáthrófar le gach ceann de Chistí SIE, agus i gcomhréir leis na rialacha lena rialáitear oibríocht gach ceann de Chistí SIE, de réir mar atá sainmhínithe sa Rialachán seo agus sna rialacha Ciste-shonracha. Níor cheart go ndéanfaidh CS oibleagáidí breise a fhorchur ar na Ballstáit thar a bhfuil leagtha amach i gcreat na mbeartais earnála ábhartha de chuid an Aontais.

3. Éascófar le CS ullmhúchán an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus na glár i gcomhréir le prionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, agus inniúlachtaí náisiúnta agus réigiúnacha á gcur san áireamh, ionas go gcinnead bearta beartais agus comhordúcháin sonracha agus iomchuí.

*Airteagal 11***Inneachar**

Bunófar le CS:

- (a) sásraí chun rannchuidiú Chistí SIE le straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a áirithiú, agus le comhleanúnachas agus comhsheasmhacht chláreagrú Chistí SIE i leith na moltaí tír-shonracha ábhartha arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 121(2) CFAE, na moltaí ábhartha ón gComhairle arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 148(4) CFAE, agus i gcás inarb iomchuí ar an leibhéal náisiúnta, an Clár Náisiúnta um Athchóiriú;
- (b) socruithe chun úsáid chomhtháite Chistí SIE a chur chun cinn;
- (c) socruithe maidir le comhordú idir Cistí SIE agus beartais agus ionstraimí ábhartha eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear ionstraimí seachtaracha um chomhar;
- (d) prionsabail chothrománacha dá dtagraítear in Airteagal 5, in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 agus cuspóirí beartais trasear-nálacha maidir le cur chun feidhme Chistí SIE;
- (e) socruithe chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin chríochacha atá ann do limistéir uirbeacha, thuaithe, chósta agus iascaigh, ar dhúshláin dhéimeagrafacha réigiún nó ar riachtanais shonracha limistéar geografach a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha acu amhail dá dtagraítear in Airteagal 174 CFAE, agus ar dhúshláin shonracha na réigiún is forimeallaí de réir bhrí Airteagal 349 CFAE;
- (f) réimsí tosaíochta le haghaidh gníomhaíochtaí comhair faoi Chistí SIE agus, i gcás inarb iomchuí, straitéisí macraireigiúnacha agus imchuach farraige á gcur san áireamh.

*Airteagal 12***Athbhreithniú**

I gcás ina dtarlóidh mórathruithe ar an staid shóisialta agus eacnamaíoch san Aontas nó i gcás ina ndéanfar athruithe ar straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, féadfaidh an Coimisiún togra a thíolacadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar CS, nó féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir le hAirteagal 225 nó le hAirteagal 241 CFAE faoi seach, a iarraidh ar an gCoimisiún togra den sórt sin a chur faoina mbráid.

Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 149 chun forlíonadh nó leasú a dhéanamh ar Roinn 4 agus ar Roinn 7 d'Iarscríbhinn I i gcás inar gá an méid sin chun athruithe sna beartais nó ionstraimí Aontais dá dtagraítear i Roinn 4 nó athruithe sna gníomhaíochtaí comhair dá dtagraítear i Roinn 7 a chur san áireamh, nó chun aird a thabhairt ar bheartais, ionstraimí nó gníomhaíochtaí comhair nua de chuid an Aontais a thugtar isteach.

*Airteagal 13***Treoraíocht do thairbhíthe**

1. Déanfaidh an Coimisiún treoraíocht a ullmhú maidir leis an gcaoi ar féidir Cistí SIE a rochtain agus a úsáid go héifeachtach, agus maidir leis an gcaoi ar féidir an leas is fearr a bhaint as comhlántachtaí le hionstraimí eile de bheartais ábhartha an Aontais.
2. Déanfar an treoraíocht a tharraingt suas faoin 30 Meitheamh 2014 agus beidh forléargas ann, i gcomhair gach cuspóra théamaigh, ar na hionstraimí ábhartha atá ar fáil ar leibhéal an Aontais mar aon le foinsí mionsonraithe faisnéise, samplaí dea-chleachtas chun na hionstraimí cistiúcháin atá ar fáil a chomhcheangal laistigh de réimsí beartais agus ar fud réimsí beartais, tuairisc ar na húdaráis agus comhlachtaí ábhartha atá páirteach i mbainistiú gach ionstraim agus seicliosta do thairbhíthe ionchasacha chun cabhrú leo na foinsí cistithe is iomchuí a shainiú.
3. Poibleofar an treoraíocht ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúthóireachtaí ábhartha an Choimisiúin. Déanfaidh an Coimisiún agus na húdaráis bhainistíochta, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha, agus i gcomhar le Coiste na Réigiún, a áirithiú go scaipfean an treoraíocht ar thairbhíthe ionchasacha.

*CAIBIDIL II***Comhaontú Comhpháirtíochta***Airteagal 14***An Comhaontú Comhpháirtíochta a ullmhú**

1. Ullmhóidh gach Ballstát Comhaontú Comhpháirtíochta le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020.
2. Déanfaidh na Ballstáit an Comhaontú Comhpháirtíochta a tharraingt suas i gcomhar leis na comhpháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 5. Déanfar an Comhaontú Comhpháirtíochta a ullmhú i gcomhphlé leis an gCoimisiún. Déanfaidh na Ballstáit an Comhaontú Comhpháirtíochta a tharraingt suas agus nósanna imeachta atá trédhearcach maidir leis an bpopal á leanúint acu, agus i gcomhréir lena gcreat institiúideach agus dlíthiúil.
3. Cumhdófar sa Chomhaontú Comhpháirtíochta gach tacaíocht ó Chistí SIE sa Bhallstát lena mbaineann.
4. Tíolacfaidh gach Ballstát a Chomhaontú Comhpháirtíochta don Choimisiún faoin 22 Aibreán 2014.
5. I gcás nach dtiocfaidh ceann amháin nó níos mó de na Rialacháin Chiste-shonracha i bhfeidhm nó nach bhfuiltear ag súil lena theacht i bhfeidhm faoin 22 Feabhra 2014, ní cheanglófar ar an gComhaontú Comhpháirtíochta arna chur isteach ag an mBallstát dá dtagraítear i mír 4 na gnéithe a bheith ann dá dtagraítear i bpointí (a)(ii), (iii), (iv) agus (vi) d'Airteagal 15(1) i gcás Chiste SIE a ndearna moill den sórt sin nó moill den sórt sin a rabhtas ag súil léi maidir le teacht i bhfeidhm an Rialacháin Chiste-shonraigh difear dó.

Airteagal 15

Inneachar an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta

1. Leagfar amach sa Chomhaontú Comhpháirtíochta:

(a) socruithe chun ailíniú le straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a áirithiú mar aon le misin Chiste-shonracha de bhun a gcuspóirí atá bunaithe ar na Conarthaí, lena n-áirítear comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, lena n-áirítear:

(i) anailís ar éagothromaíochtaí, ar riachtanais forbartha agus ar phoitéinseal fáis faoi threoir na gcuspóirí téamacha agus na ndúshlán críochach agus lena gcuirfear san áireamh an Clár Náisiúnta um Athchóiriú, i gcás inarb iomchuí, agus na moltaí tír-shonracha ábhartha arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 121(2) CFAE agus na moltaí ábhartha ón gComhairle arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 148(4) CFAE;

(ii) achoimre ar mheastóireachtaí ex ante ar na cláir, nó príomhthorthaí na meastóireachtaí ex ante ar an gComhaontú Comhpháirtíochta, i gcás ina dtabharfaidh an Ballstát faoin mheastóireachtaí deireanach sin ar a thionscnamh féin;

(iii) cuspóirí téamacha roghnaithe, agus i gcás gach ceann de na cuspóirí téamacha roghnaithe, achoimre ar na príomhthorthaí a bhfuiltear ag súil leo le haghaidh gach ceann de Chistí SIE;

(iv) leithdháileadh tásach na tacaíochta ón Aontas de réir cuspóra théamaigh ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh gach ceann de Chistí SIE, mar aon leis an méid iomlán tásach de thacaíocht atá foráilte maidir le cuspóirí i leith an athraithe aeráide;

(v) cur i bhfeidhm na bprionsabal cothrománach dá dtagraítear in Airteagal 5, in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 agus na gcuspóirí beartais maidir le cur chun feidhme Chistí SIE;

(vi) liosta de na cláir faoi CFRE, faoi CSE agus faoin gCiste Comhtháthaithe, cé is moite de na cláir sin faoi sprioc an chomhair chríocheaigh Eorpaigh, agus de chlár CETFT agus CEMI, ina sonraítear na leithdháilí tásacha faoi seach de réir gach ceann de Chistí SIE agus de réir bliana;

(vii) faisnéis i ndáil leis an leithdháileadh a bhaineann leis an gcúlchiste feidhmíochta, a bhristear síos de réir Chiste SIE agus, i gcás inarb iomchuí, de réir chatagóir an réigiúin, agus de réir na méideanna a eisiatar chun an cúlchiste feidhmíochta a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 20;

(b) socruithe chun cur chun feidhme éifeachtúil Chistí SIE a áirithiú, lena n-áirítear:

(i) socruithe, i gcomhréir le creat institiúideach na mBallstát, lena n-áirithítear comhordú idir Cistí SIE agus ionstraimí cistiúcháin eile náisiúnta agus Aontais agus le BEI;

(ii) an fhaisnéis a theastaíonn d'fhíorú ex ante ar chomhlíonadh na rialacha ar bhreisíocht amhail a shainítear i gCuid a Trí;

(iii) achoimre ar an measúnú ar chomhlíonadh na gcoinníollachtaí ex ante is infheidhme ar an leibhéal náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 19 agus Iarscríbhinn XI, agus, i gcás nach ndéantar na coinníollachtaí ex ante is infheidhme maidir le cur chun feidhme na gníomhaíochtaí sin a chomhlíonadh, ar na gníomhaíochtaí atá le déanamh, ar na comhlachtaí freagracha agus ar an tráthchlár dá gcur chun feidhme;

(iv) an mhodheolaíocht agus na sásraí chun comhsheasmhacht a áirithiú i bhfeidhmiú an chreata feidhmíochta i gcomhréir le hAirteagal 21;

(v) measúnú i dtaobh an bhfuil gá le cumas riaracháin na n-údarás atá páirteach i mbainistiú agus i rialú na glár agus, i gcás inarb iomchuí, na dtairbhíthe a neartú mar aon le, i gcás inarb gá sin, achoimre ar na gníomhaíochtaí atá le déanamh chun na críche sin;

(vi) achoimre ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe sna cláir, lena n-áirítear tráthchlár tásach maidir le laghdú a bhaint amach ar an ualach riaracháin ar na tairbhíthe;

(c) socruithe do phrionsabal na comhpháirtíochta amhail dá dtagraítear in Airteagal 5;

(d) liosta tásach de na comhpháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 5 agus achoimre de na gníomhaíochtaí a rinneadh chun na comhpháirtithe sin a tharraingt isteach i gcomhréir le hAirteagal 5 agus dá ról in ullmhú an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus den tuarascáil ar dhul chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 52.

2. Beidh tásca freisin sa Chomhaontú Comhpháirtíochta ar an méid seo a leanas:

(a) cur chuige comhtháite maidir le forbairt chríochach a fhaigheann tacaíocht ó Chistí SIE nó achoimre ar bhealaí cur chuige comhtháite maidir le forbairt chríochach atá bunaithe ar inneachar na glár, agus an méid seo a leanas á leagan amach:

(i) na socruithe chun a áirithiú go mbeidh cur chuige comhtháite ann i leith úsáid Chistí SIE maidir le forbairt chríochach limistéar foréigiúnach sonrach, go háirithe na socruithe cur chun feidhme le haghaidh Airteagal 32, Airteagal 33 agus Airteagal 36, a mbeidh ag gabháil leis na socruithe sin na prionsabail chun na limistéir uirbeacha a shainaithe ina mbeidh gníomhaíochtaí comhtháite ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe uirbeach le cur chun feidhme;

- (ii) na príomhréimsí tosaíochta le haghaidh comhair faoi Chistí SIE, agus straitéisí macraireigiúnacha agus straitéisí imchuach farraige á gcur san áireamh, i gcás inarb iomchuí;
- (iii) i gcás inarb iomchuí, cur chuige comhtháite maidir le haghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na limistéar geografach is mó a ndéanann an bhochtaineacht difear dóibh nó ar na spriocghrúpaí is mó atá i mbaol idirdhealaithe nó eisiaimh shóisialta, agus aird faoi leith á thabhairt ar phobail imeallaithe, ar dhaoine faoi mhíchumas, ar dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus ar dhaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna;
- (iv) i gcás inarb iomchuí, cur chuige comhtháite chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán dhéimeagrafacha na réigiún nó ar riachtanais shonracha limistéar geografach a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha acu, dá dtagraítear in Airteagal 174 CFAE;
- (b) socruithe chun cur chun feidhme éifeachtach Chistí SIE a áirithiú, lena n-áirítear measúnú ar na córais atá ann cheana maidir le malartú leictreonach sonraí, agus achoimre ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe le gur féidir gach malartú faisnéise idir na tairbhíthe, agus na húdaráis atá freagrach as bainistiú agus rialú na gclár, a dhéanamh céim ar chéim trí mhalartú leictreonach sonraí.

Airteagal 16

An Comhaontú Comhpháirtíochta a ghlacadh agus a leasú

1. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta leis an Rialachán seo, agus an Clár Náisiúnta um Athchóiriú, i gcás inarb iomchuí, agus na moltaí tír-shonracha ábhartha arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 121(2) CFAE agus na moltaí ábhartha ón gComhairle arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 148(4) CFAE, chomh maith le meastóireachtaí ex ante ar na cláir á gcur san áireamh aige, agus tabharfaidh an Coimisiún barúlacha le fios laistigh de thrí mhí ón dáta ar a ndéanfaidh an Ballstát a Chomhaontú Comhpháirtíochta a thíolacadh. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann gach faisnéis bhreise is gá ar fáil agus, i gcás inarb iomchuí, athbhreithneoidh sé an Comhaontú Comhpháirtíochta.

2. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh a ghlacadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, lena bhformheasfar gnéithe den Chomhaontú Comhpháirtíochta a thagann faoi 'Airteagal 15(1) agus a thagann faoi Airteagal 15(2) i gcás ina mbeidh leas bainte ag Ballstát as forálacha Airteagal 96(8), i ndáil leis na gnéithe lena n-éilítear cinneadh ón gCoimisiún faoi Airteagal 96(10) tráth nach déanaí ná ceithre mhí tar éis an dáta a tíolacadh a Chomhaontaithe Comhpháirtíochta ag an mBallstát, ar choinníoll go gcuirtear san áireamh go leormhaith aon bharúlacha arna ndéanamh ag an gCoimisiún. Ní thioctfaidh an Comhaontú Comhpháirtíochta i bhfeidhm roimh an 1 Eanáir 2014.

3. Ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil maidir le toradh na caibidlíochta i ndáil leis na Comhaontuithe Comhpháirtíochta

agus leis na cláir, lena n-áirítear forléargas ar na príomhshaincheisteanna, le haghaidh gach Ballstáit, faoin 31 Nollaig 2015. Déanfar an tuarascáil sin a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún ag an tráth céanna.

4. I gcás ina molfaidh Ballstát gnéithe den Chomhaontú Comhpháirtíochta a leasú, ar gnéithe iad a chumhdaítear leis an gcinneadh ón gCoimisiún amhail dá dtagraítear i mír 2, déanfaidh an Coimisiún i gcomhréir le mír 1 agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sé, laistigh de thrí mhí ón dáta a ndéanann an Ballstát an moladh le haghaidh an leasaithe a thíolacadh, cinneadh a ghlacadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, lena bhformheasfar an leasú laistigh de thrí mhí tar éis an dáta a ndearna an Ballstát an moladh a thíolacadh.

5. I gcás ina ndéanfaidh Ballstát leasú ar ghnéithe den Chomhaontú Comhpháirtíochta, ar gnéithe iad nach gcumhdaítear leis an gcinneadh ón gCoimisiún amhail dá dtagraítear i mír 2, tabharfaidh sé fógra ina leith don Choimisiún laistigh de mhí amháin ó dháta an chinnidh chun leasú a dhéanamh.

Airteagal 17

An Comhaontú Comhpháirtíochta athbhreithnithe a ghlacadh i gcás moille i dteacht i bhfeidhm Rialacháin Chiste-shonraigh

1. I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 14(5), tíolacfaidh gach Ballstát Comhaontú Comhpháirtíochta athbhreithnithe chuig an gCoimisiún ina mbeidh na gnéithe a bhí ar lár sa Chomhaontú Comhpháirtíochta do Chiste SIE lena mbaineann, laistigh de dhá mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin Chiste-shonraigh arbh ábhar don mhoill é.

2. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta athbhreithnithe leis an Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 16(1) agus glacfaidh sé cinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, lena bhformheasfar an Comhaontú Comhpháirtíochta athbhreithnithe i gcomhréir le hAirteagal 16(2).

CAIBIDIL III

Díriú téamach, coinníollachtaí ex ante agus athbhreithniú ar fheidhmíocht

Airteagal 18

Díriú téamach

Díreoidh na Ballstáit tacaíocht, i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha, ar idirghabhálacha lena ngabhann an breisluach is mó i ndáil le straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, agus na príomhdhúshlán chríochacha de na cineálacha éagsúla críocha i gcomhréir le CS, na dúshlán arna sainaitint sna Cláir Náisiúnta um Athchóiriú, i gcás inarb iomchuí, agus na moltaí tír-shonracha ábhartha faoi Airteagal 121(2) CFAE agus na moltaí ábhartha ón gComhairle arna nglacadh faoi Airteagal 148(4) CFAE á gcur san áireamh acu. Forálacha maidir le díriú téamach faoi na rialacha Ciste-shonracha, ní bheidh feidhm acu maidir le cúnaimh teicniúil.

*Airteagal 19***Coinníollachtaí ex ante**

1. Déanfaidh na Ballstáit measúnú i gcomhréir lena gcreat institiúideach agus dlíthiúil agus i gcomhthéacs ullmhú na gclár agus, i gcás inarb iomchuí, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta, i dtaobh cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na coinníollachtaí ex ante a leagtar síos sna rialacha Ciste-shonracha faoi seach agus na coinníollachtaí ginearálta ex ante a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn XI infheidhme maidir le sainchuspóirí a dhéantar a shaothrú laistigh de thosaíochtaí a gclár agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na coinníollachtaí ex ante is infheidhme comhlíonta.

Ní bheidh feidhm ag coinníollachtaí ex ante ach amháin sa mhéid a chomhlíonann siad an sainmhíniú a leagtar síos i bpointe (33) d'Airteagal 2 maidir leis na sainchuspóirí atá á saothrú faoi chuimsiú thosaíochtaí an chláir. Leis an measúnú ar infheidhmeacht, déanfar, gan dochar don sainmhíniú a leagtar síos i bpointe (33) d'Airteagal 2, prionsabal na comhréireachta a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 4(5) ag féachaint, i gcás inarb iomchuí, don leibhéal tacaíochta a leithdháiltear. Beidh an measúnú ar chomhlíonadh teoranta do na critéir a leagtar síos sna rialacha Ciste-shonracha agus i gCuid II d'Iarscríbhinn XI.

2. Leagfar amach sa Chomhaontú Comhpháirtíochta achoimre ar an measúnú ar chomhlíonadh na gcoinníollachtaí ex ante is infheidhme ar an leibhéal náisiúnta agus maidir leo nach gcomhlíontar, de bhun an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 1, ar an dáta a ndéanfar an Comhaontú Comhpháirtíochta a thíolacadh, leagfar amach na gníomhaíochtaí atá le déanamh, na comhlachtaí freagracha, agus an tráthchlár do chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sin. Le gach clár déanfar a shainiú cé acu ceann de na coinníollachtaí ex ante, a leagtar síos sna rialacha ábhartha a bhaineann le cistí ar leith agus de na coinníollachtaí ex ante ginearálta a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn XI atá infheidhme maidir leis an gclár agus cé acu ceann díobh, de bhun an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 1, atá comhlíonta ar an dáta a ndéanfar an Comhaontú Comhpháirtíochta agus na cláir a thíolacadh. I gcás nach gcomhlíontar na coinníollachtaí ex ante, beidh tuairisc sa chlár ar na gníomhaíochtaí atá le déanamh, ar na comhlachtaí freagracha agus ar an tráthchlár dá gcur chun feidhme. Comhlíonfaidh na Ballstáit na coinníollachtaí ex ante seo tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2016 agus tabharfaidh siad tuarascáil i ndáil leis an gcomhlíonadh sin tráth nach déanaí ná sa tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme in 2017 i gcomhréir le hAirteagal 50(4) nó sa tuarascáil ar dhul chun cinn in 2017 i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 52(2).

3. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht agus ar leordhóthanacht na faisnéise a sholáthróidh an Ballstát maidir le hinfeidhmeacht na gcoinníollachtaí ex ante agus maidir le comhlíonadh na gcoinníollachtaí ex ante is infheidhme faoi chuimsiú a mheasúnaithe ar an gclár agus ar an gComhaontú Comhpháirtíochta, i gcás inarb iomchuí.

Le measúnú sin an Choimisiúin ar infheidhmeacht déanfar, i gcomhréir le hAirteagal 4(5), prionsabal na comhréireachta a chur san áireamh ag féachaint do leibhéal na tacaíochta a leithdháiltear, i gcás inarb iomchuí. Beidh measúnú an Choimisiúin ar chomhlíonadh teoranta do na critéir a leagtar síos sna rialacha Ciste-shonracha agus sna critéir i gCuid II d'Iarscríbhinn XI, agus

urramófar leis na hinniúlachtaí náisiúnta agus réigiúnacha chun na bearta sonracha agus leordhóthanacha beartais a chinneadh, lena n-áirítear inneachar na straitéisí.

4. I gcás ina mbeidh easaontas idir an Coimisiún agus Ballstát i ndáil le hinfeidhmeacht coinníollachta ex ante maidir le sainchuspóir tosaíochtaí cláir nó maidir lena chomhlíonadh, cruthóidh an Coimisiún an infheidhmeacht i gcomhréir leis an sainmhíniú i bpointe (33) d'Airteagal 2 agus an neamhchomhlíonadh araon.

5. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, agus clár á ghlacadh aige, na híocaíochtaí eatramhacha uile chuig tosaíocht ábhartha an chláir sin, nó cuid díobh, a fhionraí go dtí go dtabharfar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 3 chun críche go sásúil i gcás inar gá chun go seachnófar dochar suntasach d'éifeachtacht agus d'éifeachtúlacht bhaint amach shainchuspóirí na tosaíochta lena mbaineann. Má mhainnítear gníomhaíochtaí a thabhairt chun críche chun coinníollacht ex ante is infheidhme a chomhlíonadh, ar coinníollacht í nach raibh comhlíonta ar an dáta a ndearnadh an Comhaontú Comhpháirtíochta agus an clár ábhartha a thíolacadh, faoin sprioc-am a leagtar amach i mír 2, beidh foras ann chun íocaíochtaí eatramhacha an Choimisiúin chuig na tosaíochtaí den chlár lena mbaineann a ndéantar difear dóibh a fhionraí. Sa dá chás, beidh réim na fionraíochta comhréireach agus na gníomhaíochtaí atá le glacadh agus na cistí atá i mbaol á gcur san áireamh.

6. Ní bheidh feidhm ag mír 5 i gcás ina mbeidh an Coimisiún agus an Ballstát ar comhaontú maidir le neamh-infheidhmeacht coinníollachta ex ante nó go gcomhaontóidh siad gur comhlíonadh coinníollacht ex ante is infheidhme, mar a léireofar tríd an gclár agus tríd an gComhaontú Comhpháirtíochta a fhormheasadh, nó mura mbeidh barúlacha ón gCoimisiún ann laistigh de 60 lá ón am ar cuireadh isteach an tuarascáil ábhartha dá dtagraítear i mír 2.

7. Déanfaidh an Coimisiún, gan mhoill, deireadh a chur le fionraí íocaíochtaí eatramhacha le haghaidh tosaíochta i gcás ina mbeidh gníomhaíochtaí a bhaineann le coinníollachtaí ex ante a chomhlíonadh tugtha chun críche ag Ballstát, ar coinníollachtaí iad is infheidhme maidir leis an gclár lena mbaineann agus nach raibh comhlíonta an tráth a ndearna an Coimisiún cinneadh faoin bhfionraí. Déanfaidh sé freisin, gan mhoill, deireadh a chur leis an bhfionraí i gcás nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag an gcoinníollacht ex ante lena mbaineann i ndiaidh leasú a dhéanamh ar an gclár a bhaineann leis an tosaíocht lena mbaineann.

8. Ní bheidh feidhm ag mír 1 go mír 7 maidir le cláir faoi sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh.

*Airteagal 20***Cúlchiste feidhmíochta**

Beidh 6 % de na hacmhainní a leithdháilfear ar CFRE, ar CSE agus ar an gCiste Comhtháthaithe faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh Fáis agus Post dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 89(2) den Rialachán seo, agus freisin ar CETFT agus ar bhearta arna maoiniú faoi bhainistíocht comhroinnte i gcomhréir le Rialachán CEMI ina chúlchiste feidhmíochta a bhunófar sa Chomhaontú Comhpháirtíochta agus i gcláir agus a leithdháilfear ar thosaíochtaí sonracha i gcomhréir le hAirteagal 22 den Rialachán seo.

Tá na hacmhainní seo a leanas eisiata chun an cúlchiste feidhmíochta a ríomh:

- (a) acmhainní a leithdháiltear chuig TFAO, mar a shainmhínítear sa chlár oibríochtaí i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán CSE;
- (b) acmhainní a leithdháiltear chuig cúnaimh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún;
- (c) acmhainní a aistrítear ón g gcéad Cholún de CBT chuig CETFT faoi Airteagal 7(2) agus Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013;
- (d) aistrithe chuig CETFT i gcur i bhfeidhm Airteagal 19(b), Airteagal 136 agus Airteagal 136(b) de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle i ndáil le blianta féilire 2013 agus 2014 faoi seach;
- (e) acmhainní a aistrítear chuig SCE ón gCiste Comhtháthaithe i gcomhréir le hAirteagal 92(6) den Rialachán seo;
- (f) acmhainní a aistrítear chuig an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí i gcomhréir le hAirteagal 92(7) den Rialachán seo;
- (g) acmhainní a leithdháiltear le haghaidh gníomhaíochtaí nuálacha don fhorbairt uirbeach inbhuanaithe i gcomhréir le hAirteagal 92(8) den Rialachán seo.

Airteagal 21

Athbhreithniú ar fheidhmíocht

1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, athbhreithniú ar fheidhmíocht na gclár i ngach Ballstát in 2019 ('an t-athbhreithniú ar fheidhmíocht'), faoi threoir an chreata feidhmíochta arna leagan amach sna cláir faoi seach. Leagtar amach in Iarscríbhinn II an modh chun an creat feidhmíochta a bhunú.

2. Déanfar scrúdú san athbhreithniú ar fheidhmíocht ar ghnóthú na ngarspriocanna sna cláir ar leibhéal na dtosaíochtaí, ar bhonn na faisnéise agus na measúnuithe sa tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme a chuirfidh na Ballstáit isteach sa bhliain 2019.

Airteagal 22

An creat feidhmíochta a chur i bhfeidhm

1. Is é a bheidh sa chúlchiste feidhmíochta ná idir 5 agus 7 % den leithdháileadh chuig gach ceann de na tosaíochtaí laistigh de chlár, cé is moite de tosaíochtaí atá tiomnaithe do chabhair theicniúil agus de chlár atá tiomnaithe d'ionstraimí airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 39. Is 6 % a bheidh i méid iomlán an chúlchiste feidhmíochta a dhéanfar a leithdháileadh de réir Chiste SIE agus catagóire réigiúin. Déanfar na méideanna a chomhfhreagraíonn don chúlchiste feidhmíochta a leagan amach sna cláir agus beidh siad miondealaithe de réir tosaíochta agus, i gcás inarb iomchuí, de réir Chiste SIE agus de réir catagóire réigiúin.

2. Ar bhonn an athbhreithnithe feidhmíochta arna dhéanamh in 2019, déanfaidh an Coimisiún, laistigh de dhá mhí ó na tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme faoi

seach a fháil sa bhliain 2019, cinneadh a ghlacadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, chun na cláir agus na tosaíochtaí a bhain a ngarspriocanna amach a chinneadh do gach ceann de Chisté SIE agus do gach Ballstát, agus, i gcás ina gcuimsíonn tosaíocht níos mó ná Ciste amháin nó catagóir réigiúin amháin, leagfaidh sé an fhaisnéis sin amach de réir Chiste SIE agus de réir catagóire réigiúin.

3. Ní dhéanfar an cúlchiste feidhmíochta a leithdháileadh ach amháin ar chlár agus ar tosaíochtaí a bhfuil a ngarspriocanna bainte amach acu. I gcás ina mbeidh a gcuid garspriocanna bainte amach ag tosaíochtaí, measfar méid an chúlchiste feidhmíochta arna bhunú don tosaíocht a bheith leithdháilte go cinnte ar bhonn an chinnidh ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 2.

4. I gcás nach mbeidh a gcuid garspriocanna bainte amach ag na tosaíochtaí, déanfaidh an Ballstát, tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis ghlacadh an chinnidh dá dtagraítear i mír 2, a mholadh go ndéanfar an méid comhfhreagrach den chiste feidhmíochta a ath-leithdháileadh ar tosaíochtaí a leagtar amach sa chinneadh ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 2 agus molfaidh sé leasuithe eile ar an gclár a eascraíonn as ath-leithdháileadh an chiste feidhmíochta, tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis ghlacadh an chinnidh dá dtagraítear i mír.

Déanfaidh an Coimisiún leasú na gclár lena mbaineann a fhormheas i gcomhréir le hAirteagal 30(3) agus (4). I gcás ina mainneoidh Ballstát an fhaisnéis a thíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 50(5) agus (6), ní dhéanfar an cúlchiste feidhmíochta don chlár ná do na tosaíochtaí lena mbaineann a leithdháileadh ar na cláir nó ar na tosaíochtaí lena mbaineann.

5. Beidh moladh an Bhallstáit an ciste feidhmíochta a ath-leithdháileadh ag luí leis na ceanglais um dhíriú téamach agus leis na leithdháiltí íosta a leagtar amach sa Rialachán seo agus sna rialacha Ciste-shonracha. De mhaolú air sin, i gcás inarb ann do cheann amháin nó níos mó de na tosaíochtaí atá nasctha le ceanglais um dhíriú téamach nó le leithdháiltí íosta nach bhfuil a ngarspriocanna bainte amach acu, féadfaidh an Ballstát a mholadh ath-leithdháileadh a dhéanamh ar an gcúlchiste ach gan é sin a bheith i gcomhréir leis na ceanglais agus na leithdháiltí íosta thuasluaite.

6. I gcás ina bhfuil fianaise ann, a thig as athbhreithniú feidhmíochta do tosaíocht, go raibh mainneachtain thromchúiseach ann a mhéid a bhaineann le garspriocanna a bheith á mbaint amach ag an tosaíocht sin, agus gur garspriocanna iad nach mbaineann ach le táscairí airgeadais agus aschuir agus le príomhchéimeanna cur chun feidhme arna leagan amach sa chreat feidhmíochta agus gurb ann don mhainneachtain sin de dheasca laigí cur chun feidhme atá sainaitheanta go soiléir, ar sheol an Coimisiún teachtaireacht ina leith roimhe sin de bhun Airteagal 50(8) mar thoradh ar dhlúthchomhar leis an mBallstát lena mbaineann, agus gur mainnigh an Ballstát an ghníomhaíocht cheartúcháin ba ghá a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na laigí sin, féadfaidh an Coimisiún, tráth nach túisce ná cúig mhí i ndiaidh na teachtaireachta sin, íocaíocht eatramhach uile, nó cuid di, chuig tosaíocht cláir a fhionraí i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos sna rialacha Ciste-shonracha.

Déanfaidh an Coimisiún, gan mhoill, fionraí na n-íocaíochtaí eatramhacha a ardú nuair a bheidh an ghníomhaíocht cheartúcháin is gá déanta ag an mBallstát. I gcás ina mbaineann an ghníomhaíocht cheartúcháin le haistriú na leithdháiltí airgeadais chuig cláir nó tosaíochtaí eile, a bhfuil a ngarspriocanna bainte amach acu, déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomh cur chun feidhme, an leasú riachtanach ar na cláir lena mbaineann a fhormheas i gcomhréir le hAirteagal 30(2). De mhaolú ar Airteagal 30(2), déanfaidh an Coimisiún i gcás den sórt sin cinneadh maidir leis an leasú tráth nach déanaí ná dhá mhí ón tráth a ndéantar iarraidh an Bhallstáit a thfolacadh.

7. I gcás ina suíonn an Coimisiún, bunaithe ar an scrúdú ar an tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme an chláir, go bhfuil mainneachtain thromchúiseach ann na spriocanna nach mbaineann ach le táscairí airgeadais, le táscairí aschuir agus le na príomhchéimeanna cur chun feidhme arna leagan amach sa chreat feidhmíochta a bhaint amach, de dheasca laigí cur chun feidhme atá sainaitheanta go soiléir, ar sheol an Coimisiún teachtaireacht ina leith roimhe sin de bhun Airteagal 50(8) i ndiaidh dlúthchomhairliúcháin leis an mBallstát lena mbaineann, agus gur mhainnigh an Ballstát an ghníomhaíocht cheartaitheach ba ghá a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na laigí sin, féadfaidh an Coimisiún in ainneoin Airteagal 85 ceartuithe airgeadais a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tosaíochtaí lena mbaineann i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha.

Agus na ceartuithe airgeadais á gcur i bhfeidhm, cuirfidh an Coimisiún san áireamh, ag féachaint go cuí do phrionsabal na coimhdeachta, an leibhéal ionsúcháin, agus dálaí seachtracha arna rannchuidiú leis an mainneachtain.

Ní dhéanfar ceartuithe airgeadais a chur i bhfeidhm i gcás inar ann don mhainneachtain spriocanna a bhaint amach i ngeall ar an tionchar atá ag imthosca socheacnamaíochta nó comhshaoil, i ngeall ar athruithe suntasacha i ndálaí eacnamaíochta nó comhshaoil i mBallstát nó i ngeall ar chúiseanna force majeure a dhéanann difear mór do chur chun feidhme na dtosaíochtaí lena mbaineann.

Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 149 chun rialacha mionsonraithe a bhunú maidir le critéir chun leibhéal an cheartaithe airgeadais atá le cur i bhfeidhm a chinneadh.

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme, lena leagtar síos na socrúithe mionsonraithe chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú maidir leis na garspriocanna agus na spriocanna a chinneadh sa chreat feidhmíochta le haghaidh gach tosaíochta agus chun measúnú a dhéanamh ar bhaint amach na ngarspriocanna agus na spriocanna. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 150(3).

CAIBIDIL IV

Bearta atá nasctha le rialachas eacnamaíoch fóna

Airteagal 23

Bearta lena ndéantar éifeachtúlacht Chistí SIE a nascadh le rialachas eacnamaíoch fóna

1. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar Bhallstát a Chomhaontú Comhpháirtíochta agus na cláir ábhartha a

athbhreithniú agus leasuithe orthu a mholadh, i gcás inar gá sin chun tacú le Moltaí ábhartha ón gComhairle a chur chun feidhme nó chun tionchar fáis agus iomaíochais Chistí SIE a uasmhéadú i mBallstáit a fhaigheann cúnaimh airgeadais.

Féadfar iarraidh den sórt sin a dhéanamh chun na gcríoch seo a leanas:

- (a) chun tacú le cur chun feidhme molta thír-shonraigh ábhartha arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 121(2) CFAE agus molta ábhartha ón gComhairle arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 148(4) CFAE, atá dírithe chuig an mBallstát lena mbaineann,
- (b) chun tacú le cur chun feidhme Moltaí ábhartha ón gComhairle atá dírithe chuig an mBallstát lena mbaineann agus a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2) nó le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ ar an gcoinníoll go meastar gur gá na leasuithe seo chun cuidiú le héagthroamaíochtaí macraicneamaíochta a cheartú; nó
- (c) chun an tionchar fáis agus iomaíochais atá ag Cistí CSF atá ar fáil a uasmhéadú, i gcás ina gcomhlíonfaidh Ballstát ceann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (i) cuirtear cúnaimh airgeadais de chuid an Aontais ar fáil dó faoi Rialachán (AE) Uimh. 407/2010 ón gComhairle⁽²⁾;
 - (ii) cuirtear cúnaimh airgeadais ar fáil dó i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle⁽³⁾;
 - (iii) cuirtear cúnaimh airgeadais ar fáil dó lena spreagtar clár coigeartaithe maicreacnamaíoch i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 472/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁴⁾ nó lena spreagtar cinneadh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 136(1) CFAE.

Chun críocha phointe (b) den dara fómhír, measfar go mbeidh gach ceann de na coinníollacha seo comhlíonta i gcás ina mbeidh an cúnaimh sin curtha ar fáil do na Ballstáit roimh nó i ndiaidh 21 Nollaig 2013 agus go bhfuil sé fós ar fáil dó.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothroamaíochtaí maicreacnamaíochta a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25)

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 407/2010 ón gComhairle an 11 Bealtaine 2010 lena mbunaítear sásra cobhsaíochta airgeadais Eorpach (IO L 118, 12.5.2010, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 an 18 Feabhra 2002 lena mbunaítear saoráid trína soláthraítear cúnaimh airgeadais meántearmach i leith chomharduithe íocaíochtaí na mBallstát (IO L 53, 23.2.2002, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 472/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le neartú ar an bhfaireachas eacnamaíoch agus buiséadach ar Bhallstáit sa limistéar euro a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais (IO L 140, 27.05.2013, lch. 1).

2. Maidir le hiarraidh ón gCoimisiún chuig Ballstát i gcomhréir le mír 1, beidh údar maith leis agus déanfar tagairt inti don ghá atá le tacú le cur chun feidhme na moltaí ábhartha nó chun tionchar fáis agus iomaíochta na gCistí SIE a uasmhéadú de réir mar is iomchuí, agus léireoidh an Coimisiún na cláir nó na tosaíochtaí a mheasann sé a thagann i gceist agus cineál na leasuithe a bhfuiltear ag súil leo. Ní dhéanfar iarraidh den sórt sin roimh 2015 nó i ndiaidh 2019, ná ní dhéanfar iarraidh i ndáil leis na cláir chéanna in aon dhá bhliain i ndiaidh a chéile.

3. Déanfaidh an Ballstát a fhreagairt ar an iarraidh dá dtagraítear i mír 1 a thíolacadh laistigh de dhá mhí ón iarraidh a fháil agus leagfaidh sé amach na leasuithe a mheasann sé a bheith riachtanach sa Chomhaontú Comhpháirtíochta agus sna cláir, na cúiseanna atá leis na leasuithe sin, á shainaithint dó na cláir atá i gceist agus ag tabhairt cuntais dó ar chineál na leasuithe atá á moladh agus na héifeachtaí ionchasacha ar chur chun feidhme na moltaí agus ar chur chun feidhme na gCistí SIE. Más gá, tabharfaidh an Coimisiún barúlacha laistigh de mhí amháin ón bhfreagairt sin a fháil.

4. Déanfaidh an Ballstát togra chun leasú a dhéanamh ar an gComhaontú Comhpháirtíochta agus ar na cláir ábhartha a thíolacadh laistigh de dhá mhí ón dáta a dtíolacfar an fhreagairt dá dtagraítear i mír 3.

5. I gcás nach mbeidh barúlacha tíolachta ag an gCoimisiún nó i gcás inar deimhin leis an gCoimisiún go ndearnadh aon bharúlacha arna dtíolacadh a chur san áireamh go cuí, déanfaidh an Coimisiún cinneadh lena bhformheasfar na leasuithe ar an gComhaontú Comhpháirtíochta agus ar na cláir ábhartha a ghlacadh gan mhoill agus in aon chás tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis a dtíolachta ag an mBallstát i gcomhréir le mír 3.

6. I gcás ina mainníonn an Ballstát, laistigh de na sprioc-amanna a leagtar amach i mír 3 agus i mír 4, gníomhaíocht éifeachtach a ghlacadh mar fhreagairt ar iarraidh arna déanamh i gcomhréir le mír 1, féadfaidh an Coimisiún, laistigh de thrí mhí i ndiaidh dó na barúlacha a thabhairt faoi mhír 3 nó tar éis thíolacadh thogra an Bhallstáit faoi mhír 4, a mholadh don Chomhairle cuid de na híocaíochtaí nó na híocaíochtaí ar fad le haghaidh na glár agus na dtosaíochtaí lena mbaineann a fhionraí. Ina mholadh, leagfaidh an Coimisiún síos na forais atá aige lena tháil gur mhainnigh an Ballstát gníomhaíocht éifeachtach a ghlacadh. I ndéanamh a mholta dó, déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis ábhartha go léir a chur san áireamh agus breithneoidh sé go cuí aon eilimintí a eascraíonn as an gcomhphlé struchtúrtha faoi mhír 15 nó aon tuairimí a léirítear sa chomhphlé struchtúraithe sin.

Déanfaidh an Chomhairle cinneadh maidir leis an moladh sin trí bhíthin gnímh cur chun feidhme. Ní bheidh feidhm ag an ngníomh cur chun feidhme sin ach amháin i ndáil le hiarrataí ar íocaíocht a dhéantar a thíolacadh tar éis an dáta a nglacfar an gníomh cur chun feidhme sin.

7. Maidir le raon feidhme agus leibhéal fhionraí na n-íocaíochtaí a fhorchuirtear i gcomhréir le mír 6, beidh siad comhréireach agus éifeachtach agus urramóidh siad an chóir chomhionann idir na Ballstáit, go háirithe a mhéid a bhaineann le tionchar an fhionraí ar gheilleagar an Bhallstáit

lena mbaineann. Measfar cé acu cláir atá le fionraí bunaithe ar na riachtanais a shainaithnítear san iarraidh dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2.

Ní bheidh fionraí na n-íocaíochtaí níos mó ná 50 % de na híocaíochtaí do gach ceann ar leith de na cláir lena mbaineann. Féadfar foráil a dhéanamh sa chinneadh do mhéadú ar an leibhéal fionraíochtaí suas go dtí 100 % de na híocaíochtaí más rud é go mainneoidh an Ballstát, laistigh de thrí mhí ó dháta an chinnidh íocaíochtaí a fhionraí dá dtagraítear i mír 6, gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh mar fhreagairt ar iarraidh arna déanamh i gcomhréir le mír 1.

8. I gcás ina mbeidh leasuithe ar an gComhaontú Comhpháirtíochta agus ar na cláir ábhartha molta ag an mBallstát, de réir mar a d'iarr an Coimisiún, cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, an ndéanfar fionraí na n-íocaíochtaí a ardú.

9. Déanfaidh an Coimisiún togra chuig an gComhairle á mholadh cuid de na ceangaltas nó de na híocaíochtaí le haghaidh cláir Ballstáit, nó iad uile, a fhionraí sna cásanna seo a leanas:

- (a) i gcás ina gcinnfidh an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 126(8) agus Airteagal 126(11) CFAE nach bhfuil gníomhaíocht éifeachtach glactha ag an mBallstát chun a easnamh iomarcach a cheartú;
- (b) i gcás ina nglacfaidh an Chomhairle dhá mholadh i ndiaidh a chéile sa nós imeachta um míchothromaíocht céanna, i gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ar na forais go ndearna Ballstát plean gníomhaíochta ceartaithí nach bhfuil leordhóthanach a thíolacadh;
- (c) i gcás ina nglacfaidh an Chomhairle dhá chinneadh i ndiaidh a chéile sa nós imeachta um míchothromaíocht céanna i gcomhréir le hAirteagal 10(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 lena súitear neamhchomhlíonadh ag Ballstát ar na forais nár ghlac sé an ghníomhaíocht cheartaitheach a moladh;
- (d) i gcás ina dtagann an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil bearta déanta ag an mBallstát chun an clár coigeartaithe dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 407/2010 nó i Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 a chur chun feidhme agus ina gcinnfidh sé, dá thoradh sin, gan an cúnamh airgeadais a deonaíodh don Bhallstát sin a íoc;
- (e) i gcás ina gcinnfidh an Chomhairle nach bhfuil an clár coigeartaithe maicreacnamaíoch dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 472/2013, nó na bearta a iarradh le cinneadh ón gComhairle arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 136(1) CFAE, á chomhlíonadh ag Ballstát.

I ndéanamh a thogra dó, urramóidh an Coimisiún forálacha mhír 11 agus cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis ábhartha go léir ina leith sin agus breithneoidh sé go cuí aon eilimintí a eascraíonn as an gcomhphlé struchtúrtha faoi mhír 15 nó aon tuairimí a léirítear sa chomhphlé sin.

Tabharfar tosaíocht d'fhionraí na gceangaltas: ní dhéanfar íocaíochtaí a fhionraí ach amháin nuair a bheidh gníomhaíocht láithreach á lorg agus i gcás neamhchomhlíonta shuntasaigh. Beidh feidhm ag fionraí na n-íocaíochtaí maidir le hiarrataí ar íocaíocht a ndéanfar iad a thíolacadh le haghaidh na gclár lena mbaineann tar éis dháta an chinnidh lena ndéantar fionraí.

10. Maidir le togra ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 9 i ndáil le ceangaltas a fhionraí, measfar é a bheith glactha ag an gComhairle mura rud é go gcinneadh an Chomhairle, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme, togra den sórt sin a dhiúltú le tromlach cáilithe laistigh de mhí amháin ón dáta a ndéanfar an togra ón gCoimisiún a thíolacadh. Beidh feidhm ag fionraí na gceangaltas maidir le ceangaltas ó na Cistí SIE don Bhallstát lena mbaineann ón 1 Eanáir sa bhliain i ndiaidh dháta an chinnidh fionraí a dhéanamh.

Déanfaidh an Chomhairle, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme, cinneadh a ghlacadh maidir le togra ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 9 i ndáil le fionraí na n-íocaíochtaí.

11. Maidir le raon feidhme agus leibhéal fhionraí na gceangaltas nó na n-íocaíochtaí atá le forchur ar bhonn mhír 10, beidh siad comhréireach, urramóidh siad an chóir chomhionann idir na Ballstáit agus cuirfidh siad san áireamh dálaí eacnamaíocha agus sóisialta an Bhallstáit lena mbaineann, go háirithe an leibhéal dífhostaíochta sa Bhallstát lena mbaineann i gcomparáid le meán an Aontais agus tionchar an fhionraí ar gheilleagar an Bhallstáit lena mbaineann. Is gné shonrach atá le cur san áireamh é tionchar na bhfionraithe ar chlár a bhfuil rithábacht leo chun dul i ngleic le dálaí neamhfhabhracha eacnamaíocha nó sóisialta.

Leagtar amach in Iarscríbhinn III forálacha mionsonraithe maidir le raon feidhme agus leibhéal na bhfionraithe a chinneadh.

Beidh fionraí na gceangaltas faoi réir an chinn is ísle de na huasteorainneacha seo a leanas:

(a) Uasmhéid de 50 % de na ceangaltas a bhaineann leis an gcéad bhliain airgeadais eile i gcás na gCistí SIE sa chéad chás nach gcomhlíontar nós imeachta um easnamh iomarcach mar a dtagraítear dó i bpointe (a) den chéad fhomhír de mhír 9 agus uasmhéid de 25 % de na ceangaltas a bhaineann leis an gcéad bhliain airgeadais eile i gcás na gCistí SIE sa chéad chás de neamhchomhlíonadh a bhaineann le plean gníomhaíochta ceartaithí faoi nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha mar a dtagraítear dó i bpointe (b) den chéad fhomhír de mhír 9 nó más rud é sa chéad chás sin nach gcomhlíontar gníomhaíocht cheartaithe atá molta de bhun nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha mar a dtagraítear dó i bpointe (c) den chéad fhomhír de mhír 9.

Déanfar leibhéal na fionraí a mhéadú de réir a chéile suas go dtí uasmhéid de 100 % de na ceangaltas a bhaineann leis an gcéad bhliain airgeadais eile i gcás na gCistí SIE i gcás nós imeachta um easnamh iomarcach agus suas go dtí 50 % de na ceangaltas a bhaineann leis an gcéad bhliain airgeadais

eile i gcás na gCistí SIE i gcás nós imeachta um míchothromaíocht iomarcach, ag teacht lena thromchúise atá an neamhchomhlíonadh;

(b) uasmhéid de 0,5 % de OTI ainmniúil is infheidhme sa chéad chás nach gcomhlíontar nós imeachta um easnamh iomarcach mar a dtagraítear dó i bpointe (a) den chéad fhomhír de mhír 9 agus uasmhéid de 0,25 % de OTI ainmniúil is infheidhme sa chéad chás de neamhchomhlíonadh a bhaineann le plean gníomhaíochta ceartaithí faoi nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha mar a dtagraítear dó i bpointe (b) den chéad fhomhír de mhír 9 nó más rud é sa chéad chás sin nach gcomhlíontar gníomhaíocht cheartaitheach atá molta faoi nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha mar a dtagraítear dó i bpointe (c) den chéad fhomhír de mhír 9.

Má leantar den neamhchomhlíonadh a bhaineann le gníomhaíochtaí ceartaithreacha dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) den chéad fhomhír de mhír 9, déanfar an céatadán de chaidhp OTI sin a mhéadú de réir a chéile suas go dtí:

— uasmhéid de 1 % de OTI ainmniúil is infheidhme i gcás neamhchomhlíonta leantaigh de nós imeachta um easnamh iomarcach i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír de mhír 9; agus

— uasmhéid de 0,5 % de OTI ainmniúil is infheidhme i gcás neamhchomhlíonta leantaigh de nós imeachta um easnamh iomarcach i gcomhréir le pointe (b) nó le pointe (c) den chéad fhomhír de mhír 9, ag teacht lena thromchúise atá an neamhchomhlíonadh;

(c) uasmhéid de 50 % de na ceangaltas a bhaineann leis an gcéad bhliain airgeadais eile i gcás na gCistí SIE nó uasmhéid de 0,5 % de OTI ainmniúil sa chéad chás de neamhchomhlíonadh mar a dtagraítear dó i bpointe (d) agus i bpointe (e) den chéad fhomhír de mhír 9.

I gcinneadh an leibhéal fionraí agus cibé an bhfuil ceangaltas nó íocaíochtaí le fionraí, cuirfear an chéim de thimthriall an chlár san áireamh agus aird á tabhairt go háirithe ar an tréimhse atá fanta chun na cistí a úsáid tar éis athbhuiséadú na gceangaltas atá fionraithe.

12. Gan dochar do na rialacha saortha a leagtar amach in Airteagal 86 go hAirteagal 88, déanfaidh an Coimisiún fionraí na gceangaltas nó na n-íocaíochtaí a ardú, gan mhoill, sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina bhfuil an nós imeachta um easnamh iomarcach ar stad i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle⁽¹⁾ nó go bhfuil cinneadh déanta ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 126(12) CFAE an cinneadh maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann a aisghairm;

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6)

(b) i gcás ina bhfuil tacú tugtha ag an gComhairle don plean gníomhaíochta ceartaithí a chuir an Ballstát lena mbaineann isteach i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 nó go bhfuil an nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha ar stad i gcomhréir le hAirteagal 10(5) den Rialachán sin nó go bhfuil deireadh curtha ag an gComhairle leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha i gcomhréir le hAirteagal 11 den Rialachán sin;

(c) i gcás ina dtiocfaidh an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil bearta leormhaithe déanta ag an mBallstát lena mbaineann chun an clár coigeartaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 472/2013, nó na bearta a iarradh le cinneadh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 136(1) CFAE, a chur chun feidhme.

Agus fionraí na gceangaltas á hardú, cinnfidh an Coimisiún, na ceangaltas atá fionraithe a athbhuiséadú i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle.

Maidir le cinneadh i dtaca le fionraí na n-íocaíochtaí a ardú, glacfaidh an Chomhairle é ar thogra ón gCoimisiún i gcás ina mbeidh na coinníollacha is infheidhme a leagtar amach i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad mhír comhlíonta.

13. Ní bheidh feidhm ag mír 6 go mír 12 maidir leis an Ríocht Aontaithe sa mhéid agus go mbaineann fionraí na gceangaltas nó na n-íocaíochtaí le nithe a chuimsítear le pointe (a), pointe (b) agus pointe (c)(iii) den dara fómhír de mhír 1 nó le pointe (a), pointe (b) nó pointe (c) den chéad fhomhír de mhír 9.

14. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le cláir faoi sprioc an chomhair chríochoaigh Eorpaigh.

15. Coinneoidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi chur chun feidhme an Airteagail seo. Déanfaidh an Coimisiún go háirithe, i gcás ina mbeidh ceann de na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a) go pointe (e) den chéad fhomhír de mhír 9 le haghaidh Ballstáit, Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas láithreach agus mionsonraí a sholáthar de na Cistí agus cláir SIE a d'fhéadfadh a bheith faoi réir fionraí na gceangaltas nó na n-íocaíochtaí.

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa cuireadh a thabhairt don Choimisiún chuig comhphlé struchtúrach maidir le cur i bhfeidhm an Airteagail seo, agus aird á tabhairt go háirithe ar tharchur na faisnéise dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

Déanfaidh an Coimisiún an togra maidir le ceangaltas nó íocaíochtaí a fionraí nó an togra chun fionraí den sórt sin a ardú a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle láithreach tar éis a ghlactha. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa a iarraidh ar an gCoimisiún míniú a thabhairt ar na cúiseanna a bhí aige dá thogra.

16. In 2017, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Airteagail seo. Chun na críche sin, ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil a ndéanfaidh sé í a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle agus, i gcás inar gá sin, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin.

17. Nuair a tharlóidh athruithe móra sna dálaí sóisialta agus eacnamaíochta san Aontas, féadfaidh an Coimisiún togra a thíolacadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Airteagail seo, nó féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir le hAirteagal 225 nó le hAirteagal 241 CFAE faoi seach, iarraidh ar an gCoimisiún togra den sórt sin a thíolacadh.

Airteagal 24

Ardú ar íocaíochtaí le haghaidh Ballstáit a bhfuil deacrachtaí sealadacha buiséadacha aige

1. Arna iarraidh sin ag Ballstát, féadfar íocaíochtaí eatramhacha a ardú 10 bpointe céatadáin os cionn an ráta cómhaoinithe is infheidhme maidir le gach tosaíocht i gcás CFRE, CSE agus an Chiste Chomhtháthaithe nó maidir le gach beart i gcás CETFT agus CEMI. Má chomhlíonann Ballstát ceann de na coinníollacha seo a leanas tar éis an 21 Nollaig 2013, beidh feidhm ag an ráta ardaith, ráta nach bhféadfaidh a bheith os cionn 100 %, maidir lena iarrataí ar íocaíocht don tréimhse go dtí an 30 Meitheamh 2016:

(a) i gcás ina bhfaighidh an Ballstát lena mbaineann iasacht ón Aontas faoi Rialachán (AE) Uimh. 407/2010 ón gComhairle;

(b) i gcás ina bhfaighidh an Ballstát lena mbaineann cúnaimh airgeadais meántéarmach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 atá coinníollach ar chlár coigeartaithe maicreacnamaíoch a chur chun feidhme;

(c) i gcás ina gcuirfeadh cúnaimh airgeadais ar fáil don Bhallstát lena mbaineann faoi réir coinníll maidir le clár coigeartaithe maicreacnamaíoch a chur chun feidhme mar a shonraítear i Rialachán (AE) Uimh. 472/2013.

Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le cláir faoi Rialachán CCE.

2. D'ainneoin mhír 1, ní bheidh tacaíocht Aontais trí bhíthin íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíochtaí an iarmhéid deiridh níos airde ná an tacaíocht phoiblí nó uasmhéid na tacaíochta ó Chistí SIE le haghaidh gach ceann de na tosaíochtaí i gcás CFRE, CSE agus an Chiste Chomhtháthaithe, nó le haghaidh gach ceann de na bearta i gcás CETFT agus CEMI, mar a leagtar síos sa chinneadh ón gCoimisiún lena bhformheastar an clár.

3. Scrúdóidh an Coimisiún cur i bhfeidhm mhír 1 agus mhír 2 agus déanfaidh sé tuarascáil maille lena mheasúnú, agus, más gá, togra reachtach ina leith sin, a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle roimh an 30 Meitheamh 2016.

*Airteagal 25***Cúnamh teicniúil a bhainistiú do Bhallstáit a mbeidh deacrachtaí buiséadacha sealadacha acu**

1. Arna iarraidh sin do Bhallstát a mbeidh deacrachtaí buiséadacha sealadacha aige agus a chomhlíonfaidh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 24(1), féadfar cuid de na hacmhainní dá bhforáiltear faoi Airteagal 59 agus a dhéantar a chlárscidealú i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha, le comhaontú ón gCoimisiún, a aistriú go cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún chun bearta maidir leis an mBallstát lena mbaineann a chur chun feidhme i gcomhréir le pointe (k) den tríú fomhír d'Airteagal 58(1) trí bhainistiú díreach nó neamhdhíreach.

2. Beidh na hacmhainní dá dtagraítear i mír 1 sa bhreis ar na méideanna a bhunaítear i gcomhréir leis na huasteorainneacha a leagtar amach sna rialacha Ciste-shonracha le haghaidh cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún. I gcás ina leagfar amach uasteorainn ar chúnamh teicniúil ar thionscnamh ón mBallstát sna rialacha Ciste-shonracha, áireofar an méid a bheidh le haistriú chun comhlíonadh na huasteorann sin a ríomh.

3. Iarrfaidh Ballstát an t-aistriú dá dtagraítear i mír 2 do bhliain féilire ina gcomhlíonfaidh sé na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 24(1) faoin 31 Eanáir den bhliain ina ndéantar an t-aistriú. Beidh togra maidir le leasú a dhéanamh ar an gclár nó ar na cláir óna ndéantar an t-aistriú ag gabháil leis an iarraidh. Déanfar leasuithe comhfhreagracha ar an gComhaontú Comhpháirtíochta i gcomhréir le hAirteagal 30(2) lena leagfar amach an méid iomlán a aistrefar gach bliain chuig an gCoimisiún.

Má chomhlíonann Ballstát na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 24(1) an 1 Eanáir 2014, féadfaidh sé an iarraidh don bhliain sin a tharchur ag an am céanna a thíolacfar a Chomhaontú Comhpháirtíochta, ina leagfar amach an méid a bheidh le haistriú chuig cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún.

TEIDEAL III

CLÁREAGRÚ

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta maidir le Cistí SIE*Airteagal 26***Cláir a ullmhú**

1. Cuirfear Cistí SIE chun feidhme trí chláir i gcomhréir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta. Déanfar an tréimhse idir an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2020 a chumhdach i ngach clár.

2. Déanfaidh na Ballstáit nó údarás ar bith eile arna ainmniú acu cláir a tharraingt suas, i gcomhar leis na comhpháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 5. Déanfaidh na Ballstáit na cláir a tharraingt suas ar bhonn nósanna imeachta atá trédhearcach don phobal, i gcomhréir lena gcreat institiúideach agus dlíthiúil.

3. Comhoibreoidh na Ballstáit agus an Coimisiún lena áirithiú gur ann do chomhordú éifeachtach in ullmhú agus i gcur chun feidhme na gclár le haghaidh Cistí SIE, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, cláir ilchistí le haghaidh, agus prionsabal na comhréireachta á chur san áireamh acu.

4. Déanfaidh na Ballstáit na cláir a thíolacadh don Choimisiún trí mhí ar a dhéanaí tar éis an Comhaontú Comhpháirtíochta a bheith tíolactha. Déanfar cláir um chomhar críochach Eorpach a thíolacadh faoin 22 Meán Fómhair 2014. Beidh meastóireacht ex ante mar a leagtar amach in Airteagal 55 ag gabháil le gach clár.

5. I gcás ina dtiocfaidh ceann amháin nó níos mó de na Rialacháin Chiste-shonracha maidir le Cistí SIE i bhfeidhm idir 22 Feabhra 2014 agus 22 Meitheamh 2014, tíolacfar an clár nó na cláir a fhaigheann tacaíocht ó Chiste SIE agus a ndearna an mhoill i dteacht i bhfeidhm an Rialacháin Chiste-shonraigh difear dó nó dóibh, ar a dhéanaí trí mhí tar éis thíolacadh an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta athbhreithnithe dá dtagraítear in Airteagal 17(1).

6. I gcás ina dtiocfaidh ceann amháin nó níos mó de na Rialacháin Chiste-shonracha maidir le Cistí SIE i bhfeidhm níos déanaí ná an 22 Meitheamh 2014, tíolacfar an clár nó na cláir a fhaigheann tacaíocht ó Chiste SIE agus a ndearna an mhoill i dteacht i bhfeidhm an Rialacháin Chiste-shonraigh difear dó nó dóibh, ar a dhéanaí trí mhí tar éis dáta teacht i bhfeidhm an Rialacháin Chiste-shonraigh arbh ábhar don mhoill é.

*Airteagal 27***Inneachar na gclár**

1. Leagfar straitéis amach i ngach clár maidir le rannchuidiú an chláir le straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach agus beidh an straitéis comhsheasmhach leis an Rialachán seo, leis na rialacha Ciste-shonracha, agus le hinneachar an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta.

Beidh ar áireamh i ngach clár socruithe lena n-áirítear go gcuirfear Cistí SIE chun feidhme go héifeachtach, go héifeachtúil agus go comhordaithe agus gníomhaíochtaí lena mbainfear amach laghdú ar an ualach riaracháin ar thairbhíthe.

2. I ngach clár, beidh sainmhíniú ar thosaíochtaí lena leagfar amach sainchuspóirí, ar leithreasuithe airgeadais tacaíochta ó Chistí SIE agus ar chómhaoiniú náisiúnta comhfhreagrach, lena n-áirítear méideanna a bhaineann leis an gcúlchiste feidhmíochta, a d'fhéadfadh a bheith ar bhonn poiblí nó ar bhonn príobháideach i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha.

3. I gcás ina mbíonn Ballstáit agus réigiúin rannpháirteach i straitéisí macraireigiúnacha nó i straitéisí imchuach farraige, déanfar rannchuidiú na n-idirghabhálacha beartaithe leis na straitéisí sin a leagan amach sa chláir ábhartha, i gcomhréir le riachtanais limistéar an chláir de réir mar atá sé sainaitheanta ag an mBallstát.

4. Leagfar amach le gach tosaíocht táscairí agus spriocanna comhfhreagracha arna sloinneadh i dtéarmaí cáilíochtúla nó cainníochtúla, i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha, d'fhonn an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun

feidhme an chláir atá dírithe ar bhaint amach na gcuspóirí a mheasúnú agus beidh siad mar bhonn d'fhaireachán, do mheastóireacht agus d'athbhreithniú ar fheidhmíocht. Áireofar ar na táscairí sin:

- (a) táscairí airgeadais a bhaineann le caiteachas arna leithdháileadh;
- (b) táscairí aschuir a bhaineann leis na hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht;
- (c) táscairí toraidh a bhaineann leis an tosaíocht lena mbaineann.

I gcás gach ceann de Chistí SIE, leagfar táscairí coiteanna amach sna rialacha Ciste-shonracha agus d'fhéadfaí forálacha a leagan síos maidir le táscairí clár-shonracha.

5. Beidh ar áireamh i ngach clár, ach amháin sna cláir sin lena gcumhdaítear cúnaimh teicniúil amháin, tuairisc, i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha, ar na gníomhaíochtaí lena gcuirtear na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 5, in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 san áireamh.

6. Leagfar amach i ngach clár, ach amháin sna cláir sin ina dtugtar faoi chúnaimh teicniúil faoi chlár sonracha, an méid tascach tacaíochta a bheidh le húsáid le haghaidh cuspóirí i leith an athraithe aeráide, bunaithe ar an modheolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 8.

7. Déanfaidh na Ballstáit an clár a tharraingt suas i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha.

Airteagal 28

Forálacha sonracha maidir le hinneachar na gclár atá tiomnaithe d'ionstraimí comhpháirteacha maidir le ráthaíochtaí agus urrúsúchán neamhchaidhpeáilte lena soláthraítear faoiseamh caipitil arna gcur chun feidhme ag BIE

1. De mhaolú ar Airteagal 27, áireofar ar na cláir thiomanta dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 39(4):
 - (a) na heilimintí a leagtar amach faoin gcéad fhomhír d'Airteagal 27(1), agus faoi mhír 2, faoi mhír 3 agus faoi mhír 4 den Airteagal sin maidir leis na prionsabail a leagtar amach faoi Airteagal 5;
 - (b) sainaitheint na gcomhlachtaí dá dtagraítear faoi Airteagal 125, faoi Airteagal 126 agus faoi Airteagal 127 den Rialachán seo agus faoi Airteagal 65(2) de Rialachán CETFT mar is ábhartha don Chiste lena mbaineann;
 - (c) maidir le gach ceann de na coinníollachtaí ex ante, arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 19 agus le hlarscríbhinn XI, atá infheidhme maidir leis an gclár, measúnú i dtaobh an mbeidh an choinníollacht ex ante comhlíonta ar an dáta a gcuirfear an Comhaontú Comhpháirtíochta agus an clár

isteach, agus i gcás nach mbeidh na coinníollachtaí ex ante comhlíonta, tuairisc ar na gníomhaíochtaí chun an choinníollacht ex ante a chomhlíonadh, na comhlachtaí atá freagrach agus tráthchlár do na gníomhaíochtaí sin i gcomhréir leis an achoimre a bheidh tíolachta sa Chomhaontú Comhpháirtíochta.

2. De mhaolú ar Airteagal 55, déanfar an measúnú ex ante dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 39(4) a mheas mar mheastóireacht ex ante ar na cláir sin.

3. Chun críocha na gclár dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 39(4) den Rialachán seo, ní bheidh feidhm ag Airteagal 7(2) ná ag Airteagal 59(5) agus (6) de Rialachán CETFT. Sa bhreis ar na heilimintí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, is iad na forálacha a leagtar amach i bpointí (c)(i), (f), (h), (i) agus (m)(i) go (iii) d'Airteagal 8(1), agus iadsan amháin, a mbeidh feidhm acu faoi CETFT.

Airteagal 29

An nós imeachta maidir le cláir a ghlacadh

1. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na gclár leis an Rialachán seo agus leis na rialacha Ciste-shonracha, lena rannchuidiú iarbhrí leis na cuspóirí téamacha roghnaithe agus le tosaíochtaí an Aontais a bhaineann go sonracha le gach ceann de Chistí SIE, agus freisin leis an gcomhsheasmhacht leis an gComhaontú Comhpháirtíochta, á chur san áireamh aige na moltaí tír-shonracha ábhartha arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 121(2) CFAE agus na moltaí ábhartha ón gComhairle arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 148(4) CFAE agus an mheastóireacht ex ante á cur san áireamh aige freisin. Tabharfar aghaidh sa mheasúnú, go háirithe, ar leordhóthanacht straitéis an chláir agus na gcuspóirí, na dtáscairí agus na spriocanna comhfhreagracha agus ar leithdháileadh na n-acmhainní buiséadacha.

2. De mhaolú ar mhír 1, ní bheidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá na cláir oibríochtúla atá tiomnaithe do TFAO dá dtagraítear i bpointe (a) den dara mír d'Airteagal 18 de Rialachán CSE agus na cláir thiomnaithe dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 39(4) den Rialachán seo ar comhréir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta in éagmais an Comhaontú Comhpháirtíochta a bheidh tíolachta ag an mBallstát ag dáta tíolachta clár tiomnaithe den sórt sin.

3. Tabharfaidh an Coimisiún barúlacha laistigh de thrí mhí ón dáta a ndéanfar an clár a thíolacadh. Soláthróidh an Ballstát gach faisnéis bhreise is gá don Choimisiún agus, i gcás inarb iomchú, athbhreithneoidh sé an clár atá beartaithe.

4. I gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha, déanfaidh an Coimisiún gach clár a fhormheas tráth nach déanaí ná sé mhí i ndiaidh don Bhallstát lena mbaineann é a chur isteach, ar choinníoll go bhfuil aon bharúlacha arna dtabhairt ag an gCoimisiún curtha san áireamh go leormhaith, ach ní dhéanfar sin roimh an 1 Eanáir 2014 nó sula ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh a ghlacadh lena ndéanfar an Comhaontú Comhpháirtíochta a fhormheas.

De mhaolú ar an gceanglas dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féadfaidh an Coimisiún cláir faoi sprioc an chomhair chríochoaigh Eorpaigh a fhormheas sula nglacfar an cinneadh lena bhformheastar an Comhaontú Comhpháirtíochta, agus féadfaidh an Coimisiún cláir oibríochtúla atá tiomnaithe do TFAO dá dtagraítear i bpointe (a) den dara mír d'Airteagal 18 de Rialachán CSE agus cláir thiomnaithe dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 39(4) den Rialachán seo a fhormheas sula ndéanfar an Comhaontú Comhpháirtíochta a thíolacadh.

Airteagal 30

Cláir a leasú

1. Maidir le hiarrataí ar leasú na gclár arna dtíolacadh ag Ballstát, beidh údar cuí leo agus leagfar amach go háirithe iontu an tionchar a mheastar a bheidh ag na hathruithe ar an gclár ar chur i gcrích straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach agus na sainchuspóirí arna sainiú sa chlár, agus an Rialachán seo agus na rialacha Ciste-shonracha, na prionsabail chothrománach dá dtagraítear in Airteagal 5, in Airteagal 7 agus in Airteagal 8, mar aon leis an gComhaontú Comhpháirtíochta á gcur san áireamh. Beidh an clár athbhreithnithe ag gabháil leo.

2. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis arna tabhairt i gcomhréir le mír 1, agus an réasúnú a thug an Ballstát á chur san áireamh aige. Féadfaidh an Coimisiún barúlacha a thabhairt laistigh de mhí amháin tar éis don chlár athbhreithnithe a bheith tíolactha agus soláthrúidh an Ballstát an fhaisnéis bhreise uile is gá don Choimisiún. I gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha, déanfaidh an Coimisiún iarrataí ar chlár a leasú a fhormheas a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis don Bhallstát iad a thíolacadh, ar choinníoll gur cuireadh aon bharúlacha a thug an Coimisiún san áireamh go leordhóthanach.

I gcás ina ndéanfaidh leasú ar chlár difear don fhaisnéis arna soláthar sa Chomhaontú Comhpháirtíochta i gcomhréir le pointí (a)(iii), pointe (iv) agus pointe (vi) d'Airteagal 15(1), beidh formheas an Coimisiúin ar an leasú ar an gclár ina fhormheas ag an am céanna maidir leis an athbhreithniú iarmhartach ar an bhfaisnéis sa Chomhaontú Comhpháirtíochta.

3. De mhaolú ar mhír 2, i gcás ina dtíolacfar an iarraidh ar leasú chuig an gCoimisiún d'fhonn an cúlchiste feidhmíochta a ath-leithdháileadh tar éis an athbhreithnithe ar fheidhmíocht, ní thabharfaidh an Coimisiún barúlacha ach amháin má mheasann sé nach mbeidh an leithdháileadh a mholfar ag cloí leis na rialacha is infheidhme, nach mbeidh sé i gcomhréir le riachtanais forbartha an Bhallstáit nó an réigiúin, nó go mbeidh baol suntasach ann dá bharr nach bhféadfar na cuspóirí agus na spriocanna a áirítear sa togra a bhaint amach. Formheasfaidh an Coimisiún an iarraidh ar chlár a leasú a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná dhá mhí i ndiaidh don Bhallstát an iarraidh a thíolacadh ar an gcoinníoll go mbeidh aon bharúil a thabharfaidh an Coimisiún curtha san áireamh mar is ceart. Beidh formheas ar leasú an chlár ón gCoimisiún ina fhormheas ag an am céanna ar an athbhreithniú iarmhartach ar an bhfaisnéis a bheidh sa Chomhaontú Comhpháirtíochta.

4. De mhaolú ar mhír 2, féadfar nósanna imeachta sonracha maidir le leasú na gclár oibríochtúla a bhunú i Rialachán CEMI.

Airteagal 31

Rannpháirtíocht BEI

1. Féadfaidh BEI, arna iarraidh sin ag Ballstáit, páirt a ghlacadh in ullmhú an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta, agus i ngníomhaíochtaí a bhaineann le hoibríochtaí a ullmhú freisin, go háirithe mórthionscadail, ionstraimí airgeadais agus CPPanna.

2. Féadfaidh an Coimisiún dul i gcomhairle le BEI sula nglacfar an Comhaontú Comhpháirtíochta nó na cláir.

3. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar BEI scrúdú a dhéanamh ar cháilíocht theicniúil, ar inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus airgeadais, agus ar inmharthanacht na mórthionscadal agus cabhrú leis i dtaca leis na hionstraimí airgeadais atá le cur chun feidhme nó le forbairt.

4. Féadfaidh an Coimisiún, agus forálacha an Rialacháin seo á gcur chun feidhme aige, deontais nó conarthaí seirbhíse a dhámhachtain ar BEI lena gcuimseofar tionscnaimh a chuirfear chun feidhme ar bhonn ilbhliantúil. Is ar bhonn bliantúil a dhéanfar an ceangaltas de ranniocaíochtaí bhuiséad an Aontais i ndáil le deontais den sórt sin agus le conarthaí seirbhíse den sórt sin.

CAIBIDIL II

Forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail

Airteagal 32

Forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail

1. Tacóidh CETFT le forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail, dá ngairfear forbairt áitiúil LEADER agus a fhéadfaidh tacaíocht a fháil ó CFRE, ó CSE nó ó CEMI. Chun críocha na Caibidle seo, gairtear "Cisté SIE lena mbaineann" ar na Cisté sin anseo feasta.

2. Is éard a bheidh san fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail:

(a) forbairt a bheidh dírithe ar limistéir fhoréigiúnacha shonracha;

(b) forbairt a bheidh faoi stiúir grúpaí gníomhaíochta áitiúla atá comhdhéanta d'ionadaithe ar son leasanna socheacnamaíochta áitiúla, idir phoiblí agus phríobháideach, nach mbeidh níos mó ná 49 % de na cearta vótála ó thaobh na cinnteoireachta de ag na húdaráis phoiblí, faoi mar a shainítear iad de réir na rialacha náisiúnta, nó ag aon ghrúpa aonair leasa;

(c) forbairt a chuirfear i gcrích trí straitéisí comhtháite agus ilearnála um fhorbairt áitiúil ar bhonn limistéar;

(d) forbairt a thabharfaidh aird ar na riachtanais áitiúla agus ar an acmhainneacht áitiúil agus í á ceapadh, agus áireofar inti gnéithe nuálacha sa chomhthéacs áitiúil, líonrú agus, i gcás inarb iomchuí, comhar.

3. Beidh comhsheasmhacht ag baint leis an tacaíocht ó Chisté SIE lena mbaineann don fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail agus déanfar í a chomhordú idir Cisté SIE lena mbaineann. Áiríteofar an méid seo inter alia trí fhorbairt acmhainní chomhordaithe, roghnú, formheas agus cistíú straitéisí um fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail agus grúpaí forbartha áitiúla.

4. I gcás ina gcinneadh an coiste roghnúcháin do na straitéisí um fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail arna mbunú faoi Airteagal 33(3) go mbeidh gá le tacaíocht ó níos mó ná Ciste amháin chun an straitéis roghnaithe um fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail a chur chun feidhme, féadfaidh sé Ciste ceannais a ainmniú i gcomhréir leis na rialacha agus nósanna imeachta náisiúnta chun tacú leis na costais reatha agus eagrúcháin uile faoi phointe (d) agus faoi phointe (e) d'Airteagal 35(1) don straitéis um fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail.

5. Forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail a fhaigheann tacaíocht ó Chistí SIE lena mbaineann, cuirfear i gcrích í faoi cheann amháin nó níos mó de thosaíochtaí an chlár ábhartha nó na gclár ábhartha i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha atá mar chuid de Chistí SIE lena mbaineann.

Airteagal 33

Straitéisí um fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail

1. Beidh na gnéithe seo a leanas ar a laghad ar áireamh i straitéis um fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail:

- (a) sainiú ar an limistéar agus ar an daonra a chumhdófar faoin straitéis;
- (b) anailís ar riachtanais forbartha agus acmhainneacht an limistéir, lena n-áirítear anailís ar láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí;
- (c) tuairisc ar an straitéis agus ar na cuspóirí a bhaineann léi, tuairisc ar ghnéithe comhtháite agus nuálacha na straitéise agus ordlathas na gcuspóirí, lena n-áirítear spriocanna intomhaiste maidir le haschur nó torthaí. I ndáil le torthaí, féadfar na spriocanna a shloinneadh i dtéarmaí cainníochtúla nó cáilíochtúla. Beidh an straitéis ar comhréir le clár ábhartha gach ceann de Chistí SIE lena mbaineann;
- (d) tuairisc ar phróiseas rannpháirtíocht an phobail i bhforbairt na straitéise;
- (e) plean gníomhaíochta ina léirítear conas a aistrítear cuspóirí isteach ina ngníomhaíochtaí;
- (f) tuairisc ar shocruithe bainistíochta agus faireacháin na straitéise, ina léirítear cumas an ghrúpa áitiúil gníomhaíochta an straitéis a chur chun feidhme agus tuairisc ar na socruithe sonracha le haghaidh meastóireachta;
- (g) an plean airgeadais don straitéis, lena n-áirítear an leithdháileadh atá beartaithe ó gach ceann de Chistí SIE lena mbaineann.

2. Saineoidh na Ballstáit critéir maidir le straitéisí um fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail a roghnú.

3. Déanfaidh coiste na straitéisí um fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail a roghnú, ar coiste é a chuirfear ar bun chun na

críche sin ag an údarás bainistíochta nó ag na húdaráis bhainistíochta atá freagrach agus a bheidh formheasta ag an údarás bainistíochta nó ag na húdaráis bhainistíochta atá freagrach.

4. Déanfar an chéad bhabhta roghnúcháin de na straitéisí um fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail a thabhairt chun críche laistigh de dhá bhliain ó dháta formheasta an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta. Féadfaidh na Ballstáit straitéisí breise um fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail a roghnú tar éis an dáta sin ach tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2017.

5. Sa chinneadh lena bhformheastar straitéis um fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail, leagfar amach leithdháiltí gach ceann de Chistí SIE lena mbaineann. Leagfar amach sa chinneadh freisin na freagrachtaí maidir le cúraimí bainistíochta agus rialaithe faoin gclár nó faoi na clár i ndáil leis an straitéis um fhorbairt áitiúil.

6. Daonra an limistéir dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1, ní bheidh sé níos lú ná 10 000 áitritheoir agus ní bheidh sé níos mó ná 150 000 áitritheoir. I gcásanna cuí-réasúnaithe agus ar bhonn togra ó Bhallstát, áfach, féadfaidh an Coimisiún na teorainneacha daonra sin a ghlacadh nó a leasú ina chinneadh faoi Airteagal 15(2) nó (3) chun an Comhaontú Comhpháirtíochta a fhorghnó nó a leasú faoi seach i gcás an Bhallstáit sin, d'fhonn limistéir a bhfuil daonra beag nó daonra mór iontu a chur san áireamh nó d'fhonn comhleanúnachas críochach na limistéir atá cuimsithe ag na straitéisí um fhorbairt áitiúil a áirithiú.

Airteagal 34

Grúpaí gníomhaíochta áitiúla

1. Déanfaidh grúpaí gníomhaíochta áitiúla na straitéisí um fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail a cheapadh agus a chur chun feidhme.

Saineoidh na Ballstáit na ról faoi seach a bheidh ag an ngrúpa gníomhaíochta áitiúil agus ag na húdaráis atá freagrach as cur chun feidhme na gclár ábhartha, maidir leis na cúraimí cur chun feidhme go léir a bhaineann leis an straitéis um fhorbairt áitiúil.

2. Áiritheoidh an t-údarás bainistíochta nó na húdaráis bhainistíochta atá freagrach go roghnóidh na grúpaí gníomhaíochta áitiúla comhpháirtí amháin laistigh den ghrúpa mar chomhpháirtí cinn i gcúrsaí riaracháin agus airgeadais, nó go dtiocfaidh siad le chéile i gcomhstruchtúr arna bhunú go dlíthiúil.

3. Beidh an méid seo a leanas san áireamh i gcúraimí na ngrúpaí gníomhaíochta áitiúla:

(a) acmhainneacht na ngníomhaithe áitiúla a fhorbairt chun oibríochtaí a fhorbairt agus a chur chun feidhme lena n-áirítear a gcumais bhainistíochta tionscadal a chothú;

(b) nós imeachta roghnúcháin neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach agus critéir oibiachtúla maidir le hoibríochtaí a roghnú a tharraingt suas, lena seachnaítear coinbhleachtaí leasa, lena n-áirithítear go gcaitheann comhpháirtithe nach údaráis phoiblí iad 50 % ar a laghad de na vótaí i gcinntí roghnúcháin, agus lena gceadófar roghnú trí nós imeachta i scríbhinn;

- (c) comhleanúnachas a áirithiú leis an straitéis um fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail nuair a bhíonn oibríochtaí á roghnú, trí thosaíocht a thabhairt do na hoibríochtaí sin de réir a mhéid a rannchuidíonn siad le cuspóirí agus spriocanna na straitéise sin a bhaint amach;
- (d) glaonna ar thograí nó nós imeachta leanúnach maidir le tionscadail a chur isteach a ullmhú agus a fhoilsiú, lena n-áirítear critéir roghnúcháin a shainiú;
- (e) iarratais ar thacaíocht a fháil agus measúnú a dhéanamh orthu;
- (f) oibríochtaí a roghnú agus méid na tacaíochta a shocrú agus, i gcás inarb ábhartha, na tograí a thíolacadh don chomhlacht atá freagrach as fíorú críochnaitheach a dhéanamh ar incháilitheacht sula ndéanfar iad a fhorghnó;
- (g) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise um fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail agus ar na hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht agus gníomhaíochtaí meastóireachta sonracha a dhéanamh atá nasctha leis an straitéis sin.

4. Gan dochar do phointe (b) de mhír 3, féadfaidh an grúpa gníomhaíochta áitiúla a bheith ina thairbhí agus féadfaidh sé oibríochtaí a chur chun feidhme i gcomhréir leis an straitéis um fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail.

5. I gcás gníomhaíochtaí comhair de chuid grúpaí gníomhaíochta áitiúla dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 35(1), féadfaidh an t-údarás bainistíochta atá freagrach na cúraimí a leagtar amach i bpointe (f) de mhír 3 den Airteagal seo a chur i gcrích.

Airteagal 35

Tacaíocht ó Chistí SIE d'fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail

1. Cumhdóidh tacaíocht ó Chistí SIE lena mbaineann d'fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail an méid seo a leanas:

- (a) costais na tacaíochta ullmhúcháin atá comhdhéanta d'fhorbairt acmhainní, d'oiliúint agus de líonrú d'fhonn straitéis um fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail a ullmhú agus a chur chun feidhme.

Féadfaidh costais den sórt sin ceann amháin nó níos mó de na gnéithe seo a leanas a chumhdach:

- (i) gníomhaíochtaí oiliúna do gheallsealbhóirí áitiúla;
- (ii) staidéir ar an limistéar lena mbaineann;
- (iii) costais a bhaineann le straitéis um fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail a cheapadh, lena n-áirítear costais chomhairliúcháin agus costais do ghníomhaíochtaí a bhaineann le comhairliúcháin na ngeallsealbhóirí ar mhaithe leis an straitéis a ullmhú;

- (iv) costais riaracháin (costais oibríochta agus pearsanra) eagraíochta a dhéanann iarratas ar thacaíocht ullmhúcháin i rith na céime ullmhúcháin;

- (v) tacaíocht do threoirthionscadail bheaga.

Beidh tacaíocht ullmhúcháin den sórt sin incháilithe is cuma an ndéanann an coiste roghnúcháin arna chur ar bun faoi Airteagal 33(3) an straitéis forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail arna ceapadh ag an ngrúpa gníomhaíochta áitiúla a thairbhíonn den tacaíocht a roghnú le haghaidh cistithe.

- (b) oibríochtaí faoin straitéis um fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail a chur chun feidhme;
- (c) gníomhaíochtaí comhair de chuid an ghrúpa gníomhaíochta áitiúla a ullmhú agus a chur chun feidhme;
- (d) costais reatha atá nasctha le bainistíú chur chun feidhme na straitéise faoi stiúir an phobail agus arb é atá i gceist leis costais oibríochta, costais pearsanra, costais oiliúna, costais atá nasctha leis an gcaidreamh poiblí, costais airgeadais agus costais atá nasctha le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an straitéis, mar a thagraítear dóibh i bpointe (g) d'Airteagal 34(3);
- (e) an straitéis um fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail a eagrú d'fhonn an teagmháil idir geallsealbhóirí a éascú ar mhaithe le faisnéis a sholáthar agus chun an straitéis a chur chun cinn agus chun tacú le tairbhíthe ionchasacha d'fhonn oibríochtaí a fhorbairt agus iarratais a ullmhú.

2. Maidir leis an tacaíocht do na costais reatha agus don eagrúchán dá dtagraítear i bpointe (d) agus i bpointe (e) de mhír 2, ní rachaidh sí thar 25 % den chaiteachas poiblí iomlán arna thabhtú laistigh den straitéis um fhorbairt áitiúil.

CAIBIDIL III

Forbairt chríochach

Airteagal 36

Infheistíocht chríochach chomhtháite

1. I gcás ina gceanglaítear, le straitéis forbartha uirbí nó le straitéis, nó le comhshocrú críochach eile dá dtagraítear in Airteagal 12(1) de Rialachán CSE, cur chuige comhtháite lena ngabhann infheistíochtaí ó CSE, CFRE nó ón gCiste Comhtháithithe faoi níos mó ná ais tosaíochta amháin de chuid clár oibríochtúil amháin nó níos mó ná clár oibríochtúil amháin, féadfar gníomhaíochtaí a chur i gcrích mar infheistíocht chríochach chomhtháite ('ICC').

Gníomhaíochtaí a chuirtear i gcrích mar ICC, féadfar iad a chomhlánú le tacaíocht airgeadais ó CETFT nó ó CEMI.

2. I gcás ina mbeidh ICC á tacú ó CSE, CFRE nó ón gCiste Comhtháithithe, tabharfar cur síos, sa chlár oibríochtúil ábhartha nó sna cláir oibríochtúla ábhartha, ar an gcur chuige i leith úsáid ionstraim ICC agus an leithdháileadh tásach airgeadais ó gach ais tosaíochta i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha.

I gcás ina mbeidh ICC á chomhlánú le tacaíocht airgeadais ó CETFT nó ó CEMI, leagfar amach an leithdháileadh tásach airgeadais agus na bearta a chumhdófar sa chlár ábhartha nó sna cláir ábhartha i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha.

3. Féadfaidh an Ballstát nó an t-údarás bainistíochta comhlacht idirmheánach amháin nó níos mó a ainmniú, lena n-áirítear údarás áitiúla, comhlachtaí forbartha réigiúnaí nó eagraíochtaí neamhrialtasacha, chun ICC a bhainistiú agus a chur chun feidhme i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha.

4. Áiritheoidh an Ballstát nó na húdaráis bhainistíochta ábhartha go bhforáiltear leis an gcóras faireacháin don chlár nó do na cláir go sainnithneofar oibríochtaí agus aschuir de chuid aise tosaíochta nó de chuid ceann de thosaíochtaí an Aontais a rannchuidíonn le ICC.

TEIDEAL IV

IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS

Airteagal 37

Ionstraimí airgeadais

1. Féadfar úsáid a bhaint as Cistí SIE chun tacú le hionstraimí airgeadais faoi chlár amháin nó níos mó, lena n-áirítear nuair a eagraítear iad trí bhithin cistí de chistí, chun rannchuidiú le gnóthú sainchuspóirí arna leagan amach faoi thosaíocht.

Déanfar ionstraimí airgeadais a chur chun feidhme chun tacú le hinfheistíochtaí atá ceaptha le bheith inmharthana ar bhonn airgeadais agus nach bhfuil cistiú leordhóthanach ó fhoinsí margaidh mar thoradh orthu. Nuair a chuirtear an Teideal seo i bhfeidhm, déanfaidh na húdaráis bhainistíochta, an comhlacht a chuireann an ciste de chistí chun feidhme, agus na comhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme an dlí is infheidhme a chomhlíonadh, go háirithe maidir le Státchabhair agus soláthar poiblí.

2. Beidh tacaíocht d'ionstraimí airgeadais bunaithe ar mheasúnú ex ante inar suíodh fianaise de mhainneachtainí margaidh nó cásanna infheistíochta fo-optamacha, agus an leibhéal measta agus raon feidhme na riachtanas infheistíochta poiblí, lena n-áirítear cineálacha ionstraimí airgeadais atá le tacú. Déanfar a áireamh ar an measúnú ex ante sin:

(a) anailís ar mhainneachtainí margaidh, cásanna d'infheistíochtaí fo-optamacha, agus riachtanais infheistíochta i réimsí beartais agus i gcuspóirí téamacha nó tosaíochtaí infheistíochta a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu d'fhonn rannchuidiú le baint amach sainchuspóirí arna leagan amach faoi thosaíocht agus a bhfuil tacaíocht le tabhairt dóibh trí ionstraimí airgeadais. Beidh an anailís sin bunaithe ar an modheolaíocht atá ar fáil maidir le dea-chleachtais;

(b) measúnú ar bhreisluach na n-ionstraimí airgeadais a meastar go bhfaighidh siad tacaíocht ó Chistí SIE, comhsheasmhacht le cineálacha eile d'idirghabhálacha poiblí lena dtugtar aghaidh ar an margadh céanna, impleachtaí a d'fhéadfadh

a bheith ag státchabhair, comhréireacht na n-idirghabhálacha agus na mbearta réamhthuartha chun saobhadh margaidh a laghdú;

(c) meastachán de na hacmhainní breise poiblí agus príobháideacha a d'fhéadfadh teacht aníos i ngeall ar an ionstraim airgeadais agus sin a ríomh síos go dtí leibhéal an fhaighteora dheiridh (éifeacht luamhánaithe dhóchúil), lena n-áirítear de réir mar is iomchuí measúnú ar an ngá atá le luach saothair fabhrach, agus ar leibhéal an ghá sin, chun acmhainní contrapháirtí a mhealladh ó infheisteoirí príobháideacha agus/nó tuairisc ar na sásraí a bheidh le húsáid chun an gá atá leis an luach saothair fabhrach sin, agus a mhéid den luach saothair sin, a shuíomh, amhail próiseas measúnúcháin atá iomaíoch nó atá neamhspleách go hiomchuí;

(d) measúnú ar na ceachtanna a foghlaimíodh i ngeall ar ionstraimí comhchosúla agus measúnuithe ex ante a rinne an Ballstát san am a caitheadh, agus conas a bhainfeair tairbhe as ceachtanna den sórt sin san am atá le teacht;

(e) an straitéis infheistíochta atá beartaithe, lena n-áirítear scrúdú ar na roghanna maidir le socruithe cur chun feidhme de réir bhrí Airteagal 38, táirgí airgeadais a bheidh le tairiscint, na faighteoirí deiridh a bheidh mar sprioc, an comhcheangal réamhthuartha le tacaíocht deontais de réir mar is iomchuí;

(f) sonraíocht ar na torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus conas a mheastar go rannchuideoidh an ionstraim airgeadais lena mbaineann le baint amach na sainchuspóirí a leagtar amach faoin tosaíocht ábhartha, lena n-áirítear táscairí don rannchuidiú sin.

(g) forálacha lena bhféadfar athbhreithniú agus nuachóiriú, de réir mar is gá, a dhéanamh ar an measúnú ex ante le linn chur chun feidhme aon ionstraime airgeadais a cuireadh chun feidhme bunaithe ar mheasúnú den sórt sin, i gcás ina measann an t-údarás bainistíochta, le linn na céime cur chun feidhme, go bhféadfadh sé nach dtugann an measúnú ex ante léiriú beacht a thuilleadh ar na dálaí margaidh atá ann ag tráth an chur chun feidhme.

3. Féadfar an measúnú ex ante dá dtagraítear i mír 2 a dhéanamh i gcéimeanna. In aon chás, cuirfead i gcrích é sula gcinneann an t-údarás bainistíochta rannchuidithe cláir a dhéanamh le hionstraim airgeadais.

Déanfar achoimre de thorthaí agus de chonclúidí na measúnuithe ex ante maidir le hionstraimí airgeadais a fhoilsiú laistigh de thrí mhí i ndiaidh dháta a gcur i gcrích.

Cuirfead an measúnú ex ante faoi bhráid an choiste faireacháin ar mhaithe le faisnéis a sholáthar i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha.

4. Más rud é go dtacaíonn ionstraimí airgeadais le maoiniú frontar, lena n-áirítear FMBanna, déanfar an tacaíocht sin a spriocdhíriú ar fhiontair nua a bhunú, ar chaipiteal luathchéimneach i.e. síolchaipiteal agus caipiteal tionscnaimh, ar chaipiteal forbraíochta, ar chaipiteal chun gníomhaíochtaí gearrálta fiontair a neartú, nó ar thionscadail nua a chur ar bun, ar dhul isteach i margaí nua nó ar fhorbairtí nua ag fiontair reatha, gan dochar do rialacha infheidhme an Aontais

maidir le Státchabhair agus i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha. Féadfaidh infheistíocht i sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe araon a bheith ar áireamh sa tacaíocht, chomh maith le caipiteal oibre laistigh de shrianta rialacha infheidhme an Aontais maidir le státchabhair, agus d'fhonn spreagadh a thabhairt don earnáil phríobháideach mar sholáthróir cistithe d'fhiontair. Féadfar a áireamh ann freisin costais an aistrithe a bhaineann le cearta maoinne i bhfiontair ar choinníoll go dtarlaíonn aistrithe den sórt sin idir infheisteoirí neamhspleácha.

5. Na hinfheistíochtaí a mbeidh tacaíocht le tabhairt dóibh faoi na hionstraimí airgeadais, ní bheidh siad lánchríochnaithe go fisiceach nó curtha chun feidhme go hiomlán ag dáta an chinnidh infheistíochta.

6. I gcás ina soláthróidh ionstraimí airgeadais tacaíocht do na faighteoirí deiridh maidir le hinfheistíochtaí bonneagair ar mhaithe le forbairt uirbeach nó le hathnuachan uirbeach nó infheistíochtaí comhchosúla bonneagair a bhfuil de chuspóir acu gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta i limistéir tuaithe a éagsúlú, d'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis an tacaíocht sin na méideanna is gá le haghaidh atheagrú a dhéanamh ar an bpunann fiachais maidir leis an mbonneagar ar cuid de an infheistíocht nua suas go dtí uasmhéid 20 % de mhéid iomlán tacaíochta an chláir ón ionstraim airgeadais chuig an infheistíocht.

7. Féadfar ionstraimí airgeadais a chomhthiomsú le deontais, le fóirdheontais ráta úis agus le fóirdheontais táillí ráthaíochta. I gcás ina dtugtar tacaíocht ó Chistí SIE trí bhíthin ionstraimí airgeadais agus go bhfuil sí comhcheangailte in aon oibríocht amháin, agus go bhfuil cineálacha eile tacaíochta a bhaineann go díreach le hionstraimí airgeadais ag díriú ar na faighteoirí deiridh céanna, lena n-áirítear cúnaimh teicniúil, fóirdheontais ráta úis agus fóirdheontais táillí ráthaíochta, beidh feidhm ag na forálacha is infheidhme d'ionstraimí airgeadais maidir le gach cineál tacaíochta laistigh den oibríocht sin. I gcásanna den sórt sin, déanfar rialacha infheidhme an Aontais maidir le Státchabhair a urramú agus coimeádfar taifead ar leithligh maidir le gach cineál tacaíochta.

8. Maidir le faighteoirí deiridh a fhaigheann tacaíocht ó ionstraim airgeadais de chuid Ciste SIE, féadfaidh siad cúnaimh a fháil freisin ó thosaíocht nó ó chláir eile de Chistí SIE nó ó ionstraim eile a fhaigheann tacaíocht ó bhuiséad an Aontais i gcomhréir le rialacha infheidhme an Aontais maidir le Státchabhair. Sa chás sin, coimeádfar taifid ar leithligh le haghaidh gach foinse cúnaimh agus beidh an tacaíocht ó ionstraim airgeadais Cistí SIE ina cuid d'oibríocht ag a mbeidh caiteachas incháilithe agus é éagsúil ó fhoinsí eile cúnaimh.

9. Maidir leis an gcomhcheangal tacaíochta a sholáthraítear trí dheontais agus ionstraimí airgeadais, de réir mar a thagraítear dóibh i mír 7 agus i mír 8, féadfaidh sé, faoi réir rialacha infheidhme an Aontais maidir le Státchabhair, an mhír chaiteachais chéanna a chumhdach ar choinníoll nach sáraíonn suim na gcineálacha tacaíochta go léir atá comhcheangailte méid foriomlán na míre caiteachais lena mbaineann. Ní

úsáidfead deontais chun tacaíocht a fuarthas ó ionstraimí airgeadais a aisíoc. Ní úsáidfead ionstraimí airgeadais chun deontais a réamh-mhaoiniú.

10. Ní bheidh rannchuidithe comhchineáil ina gcaiteachas incháilithe maidir le hionstraimí airgeadais, ach amháin rannchuidithe talún nó eastáit réadaigh maidir le hinfheistíochtaí a bhfuil sé de chuspóir leo tacú le forbairt tuaithe, le forbairt uirbeach nó le hathnuachan uirbeach, i gcás ina bhfuil an talamh nó an t-eastát réadach ina chuid den infheistíocht. Beidh rannchuidithe talún nó eastáit réadaigh den sórt sin incháilithe ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 69(1).

11. Ní bheidh CBL ina chaiteachas incháilithe oibríochta, ach amháin sa chás go bhfuil an CBL neamh-inghnóthaithe faoin reachtaíocht CBL náisiúnta. Ní dhéanfar an chaoi a ndéileáiltear le CBL ar leibhéal infheistíochta arna ndéanamh ag faighteoirí deiridh a chur san áireamh chun incháilitheacht caiteachais faoin ionstraim airgeadais a chinneadh. Más rud é, áfach, go ndéantar ionstraimí airgeadais a chomhcheangal le deontais faoi mhír 7 agus faoi mhír 8 den Airteagal seo, beidh feidhm ag forálacha Airteagal 69(3) maidir leis an deontas.

12. Chun críocha chur i bhfeidhm an Airteagail seo, is é a bheidh sna rialacha infheidhme maidir le státchabhair ná na rialacha sin a bheidh i bhfeidhm an tráth a ndéanann an t-údarás bainistíochta nó an comhlacht a chuireann an ciste de chistí chun feidhme rannchuidithe cláir a ghealladh ar bhonn conartha chuig ionstraim airgeadais, nó nuair a dhéanann an ionstraim airgeadais rannchuidithe cláir a ghealladh go conarthach chuig faighteoirí deiridh, de réir mar is infheidhme.

13. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 149 lena leagtar síos rialacha sonracha breise maidir le talamh a cheannach agus le cúnaimh teicniúil a chomhcheangal le hionstraimí airgeadais.

Airteagal 38

Ionstraimí airgeadais a chur chun feidhme

1. Le linn d'údarais bhainistíochta Airteagal 37 a chur chun feidhme, féadfaidh siad ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh leis na hionstraimí airgeadais seo a leanas:

- (a) ionstraimí airgeadais arna gcur ar bun ar leibhéal an Aontais agus arna mbainistiú go díreach nó go hindíreach ag an gCoimisiún;
- (b) ionstraimí airgeadais arna gcur ar bun ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach, trasnáisiúnta nó trasteorann agus arna mbainistiú ag an údarás bainistíochta nó faoina fhreagracht.

2. Déanfar rannchuidithe ó Chistí SIE le hionstraimí airgeadais faoi phointe (a) de mhír 1 a thaisceadh i gcuntais ar leithligh agus úsáidfead na rannchuidithe sin, i gcomhréir le cuspóirí Chistí SIE faoi seach, chun tacú le gníomhaíochtaí agus le faighteoirí deiridh atá comhsheasmhach leis an gclár nó leis na cláir óna ndéantar na rannchuidithe sin.

Beidh rannchuidithe leis na hionstraimí airgeadais dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi réir an Rialacháin seo, mura rud é go bhforáiltear go sainráite d'eisceachtaí.

Beidh an dara fomhír gan dochar do na rialacha lena rialaítear ionstraimí airgeadais a chur ar bun faoin Rialachán Airgeadais, agus lena rialaítear feidhmiú na n-ionstraimí sin, mura rud é go bhfuil na rialacha sin i gcoinbhleacht le rialacha an Rialacháin seo, agus sa chás sin is é an Rialachán seo a bheidh i réim.

3. I gcás ionstraimí airgeadais faoi phointe (b) de mhír 1, féadfaidh an t-údarás bainistíochta ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh leis na hionstraimí airgeadais seo a leanas:

- (a) ionstraimí airgeadais lena gcomhlíontar na téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha arna leagan síos ag an gCoimisiún, i gcomhréir leis an dara fomhír den mhír seo;
- (b) ionstraimí airgeadais atá ann cheana féin nó atá nuachruthaithe agus atá ceaptha go sonrach chun na sainchuspóirí a leagtar amach faoin tosaíocht ábhartha a bhaint amach.

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme maidir leis na téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha a gcomhlíonfaidh na hionstraimí airgeadais faoi phointe (a) den chéad fhomhír. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 150(3).

4. Agus é ag tacú leis na hionstraimí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1, féadfaidh an t-údarás bainistíochta an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) infheistíocht a dhéanamh i gcaipiteal eintiteas dlíthiúil atá ann cheana nó eintiteas dlíthiúil nuachruthaithe, lena n-áirítear na heintitis sin a mhaoinítear trí Chistí SIE eile, atá tiomnaithe d'ionstraimí airgeadais atá comhsheasmhach le cuspóirí Chistí SIE faoi seach a chur chun feidhme, agus a thabharfaidh faoi chúraimí cur chun feidhme; beidh an tacaíocht a thabharfar d'eintitis den sórt sin teoranta do na méideanna sin is gá chun infheistíochtaí nua i gcomhréir le hAirteagal 37 a chur chun feidhme agus ar bhealach atá comhsheasmhach le cuspóirí an Rialacháin seo;
- (b) cúraimí cur chun feidhme a chur ar a n-iontaoibh seo a leanas:
 - (i) BEI;
 - (ii) institiúidí airgeadais idirnáisiúnta ina bhfuil Ballstát ina scairsealbhóir, nó institiúidí airgeadais atá bunaithe i mBallstát agus a bhfuil sé mar aidhm aici leas an phobail a bhaint amach faoi rialú údaráis phoiblí;
 - (iii) comhlacht arna rialú faoin dlí poiblí nó príobháideach; nó
- (c) cúraimí cur chun feidhme a chur i gcrích go díreach, i gcás ionstraimí airgeadais ar iasachtaí nó ráthaíochtaí amháin atá

i gceist iontu. Sa chás sin, measfar gurb é an t-údarás bainistíochta an tairbhí mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 2.

Nuair a chuirtear an ionstraim airgeadais chun feidhme, áiríteoidh na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) den chéad fhomhír go gcomhlíontar an dlí infheidhme, lena n-áirítear rialacha a chumhdaíonn Cistí SIE, Státchabhair, soláthar poiblí agus caighdeáin ábhartha agus an reachtaíocht is infheidhme maidir le sciúradh airgid a chosc, leis an gcomhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta agus le calaois chánach. Ní dhéanfar na comhlachtaí sin a bhunú i gcríocha nach gcomhoibríonn a ndlínse leis an Aontas maidir le cur chun feidhme na gcaighdeán cánach idirnáisiúnta comhaontaithe, agus ní choimeádfaidh siad caidreamh gnó le heintitis atá comhlachaithe sna críocha sin, agus déanfaidh siad na ceanglais sin a thrasú ina gconarthaí leis na hidirghabhálaithe airgeadais roghnaithe.

Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 149 lena leagtar síos rialacha sonracha breise maidir le ról, dlíteanas agus freagracht na gcomhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme, maidir le critéir roghnúcháin agus maidir le táirgí a d'fhéadfaí a sheachadadh trí bhithin ionstraimí airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 37. Tabharfaidh an Coimisiún fógra i leith na ngníomhartha tarmligthe do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an tráth céanna faoin 22 Aibreán 2014.

5. Maidir leis na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) den chéad fhomhír de mhír 4, féadfaidh siad, nuair a bhíonn cistí de chistí á gcur chun feidhme acu, cuid den chur chun feidhme a chur ar iontaoibh sa bhreis ar idirghabhálaithe airgeadais ar choinníoll go n-áiríteoidh eintitis den sórt sin atá faoina bhfreagracht go gcomhlíonann na hidirghabhálaithe airgeadais na critéir a leagtar síos in Airteagal 140(1), (2) agus (4) den Rialachán Airgeadais. Déanfar idirghabhálaithe airgeadais a roghnú bunaithe ar nósanna imeachta oscailte, trédhearcacha, comhréireacha agus neamh-idirdhealaitheacha, trína seachnófar coinbhleachtaí leasa.

6. Déanfaidh na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír de mhír 4, a ndearnadh cúraimí cur chun feidhme a chur ar a n-iontaoibh, cuntais mhuinéineacha a oscailt ina n-ainm nó thar ceann an údaráis bainistíochta, nó cuirfidh siad an ionstraim airgeadais ar bun mar bhloc airgeadais ar leith laistigh d'institiúid airgeadais. Sa chás ina bhfuil sé mar bhloc airgeadais ar leith, déanfar idirdhealú cuntasaoíochta idir acmhainní cláir a infheistítear san ionstraim airgeadais agus na hacmhainní eile atá ar fáil san institiúid airgeadais. Déanfar na sócmhainní atá á sealbhú sna cuntais mhuinéineacha agus i mbloic airgeadais ar leith den sórt sin a bhainistiú i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais, de réir rialacha stuamachta iomchuí agus beidh leachtacht iomchuí acu.

7. I gcás ina gcuirtear ionstraim airgeadais chun feidhme faoi phointe (a) agus faoi phointe (b) den chéad fhomhír de mhír (4), faoi réir struchtúr chur chun feidhme na hionstraime airgeadais, déanfar na téarmaí agus coinníollacha maidir le rannchuidithe ó chláir leis na hionstraimí airgeadais a leagan amach sna comhaontuithe cistiúcháin i gcomhréir le hlarscríbhinn III ar na leibhéil seo a leanas:

- (a) i gcás inarb infheidhme, idir na hionadaithe atá sainordaithe go cuí de chuid an údaráis bhainistíochta agus an comhlacht a chuireann an ciste de chistí chun feidhme, agus

(b) idir na hionadaithe atá sainordaithe go cuí de chuid an údaráis bainistíochta, nó i gcás inarb infheidhme, an comhlacht a chuireann an ciste de chistí chun feidhme, agus an comhlacht a chuireann an ionstraim airgeadais chun feidhme.

8. Maidir le hionstraimí airgeadais a chuirtear chun feidhme faoi phointe (c) den chéad fhomhír de mhír 4, déanfar na téarmaí agus coinníollacha maidir le rannchuidithe ó chlár leis na hionstraimí airgeadais a leagan amach i ndoiciméad straitéise i gcomhréir le hIARSCRIBHINN IV a bheidh le scrúdú ag an gcoiste faireacháin.

9. Féadfar rannchuidithe náisiúnta poiblí agus príobháideacha, lena n-áirítear rannchuidithe comhchineáil mar a thagraítear dóibh in Airteagal 37(10), a thabhairt ar leibhéal an chiste de chistí, ar leibhéal na hionstraime airgeadais nó ar leibhéal na bhfaighteoirí deiridh, i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha.

10. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos coinníollacha aonfhoirmeacha maidir leis na socruithe mionsonraithe i leith aistriú agus bhainistíú na rannchuidithe clár arna mbainistíú ag na comhlachtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 4. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 150(3).

Airteagal 39

Rannchuidiú CFRE agus CEMI le hionstraimí airgeadais comhphárteacha um ráthaíocht neamhchaidhpeáilte agus urrúsúchán i bhfabhar FBManna, arna chur chun feidhme ag BIE

1. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn 'maoiniú fiachais' iasachtaí, léasú nó ráthaíochtaí.

2. Féadfaidh Ballstáit leas a bhaint as an CFRE agus an CETFT chun rannchuidiú airgeadais a sholáthar d'ionstraimí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 38(1) den Rialachán seo, atá á mbainistíú go hindíreach ag an gCoimisiún agus chuig a bhfuil cúraimí cur chun feidhme curtha ar iontaoibh an BIE de bhun phointe (c)(iii) d'Airteagal 58(1) agus Airteagal 139(4) den Rialachán Airgeadais, i ndáil leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) ráthaíochtaí neamhchaidhpeáilte lena soláthraítear faoiseamh caipitil d'idirghabhálaithe airgeadais le haghaidh punanna nua de mhaoiniú fiachais chuig FBManna incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 37(4) den Rialachán seo;

(b) urrúsúchán, mar a shainmhínítear i bpointe (61) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾, d'aon cheann díobh seo a leanas:

(i) punanna de mhaoiniú fiachais atá ann cheana chuig FBManna agus chuig fontair eile [a fhostaíonn níos lú ná 500 duine];

(ii) punanna nua de mhaoiniú fiachais chuig FBManna.

Maidir leis an rannchuidiú airgeadais dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo, rannchuideoidh sé le tráinsí sóisearacha agus/nó forbraíochta na bpunann atá luaite iontu ar choinníoll go gcoinníonn an t-idirghabhálaí airgeadais ábhartha cuid leordhóthanach de riosca na bpunann comhionann ar a laghad le ceanglas na coinneála riosca a leagtar amach i dTreoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾ agus i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 chun ailíniú leormhaith úis a áirithiú. I gcás urrúsúcháin faoi phointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo, tá d'oibleagáid ar an idirghabhálaí airgeadais maoiniú fiachais nua chuig FBManna incháilithe a thionscnamh i gcomhréir le hAirteagal 37(4) den Rialachán seo.

Gach Ballstát a bhfuil sé ar intinn aige a bheith rannphárteach in ionstraimí airgeadais den sórt sin, rannchuideoidh sé an méid atá ag teacht le riachtanais mhaoinithe fiachais FBManna sa Bhallstát sin agus leis an éileamh measta ar mhaoiniú fiachais FBMan den sórt sin, á chur san áireamh dóibh an measúnú ex ante dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír de mhír 4 agus in aon chás is méid é nach mbeidh níos airde ná 7 % den leithdháileadh ó CFRE agus ó CETFT chuig an mBallstát. Beidh rannchuidiú comhiomlánaithe CFRE agus CETFT ag na Ballstáit rannphárteacha uile faoi réir uasteorann foriomláine de EUR 8 500 000 000 (i bpraghsanna 2011).

Más rud é go measfaidh an Coimisiún, i gcomhairliúchán leis an BIE, nach leordhóthanach an rannchuidiú íosta comhiomlán chuig an ionstraim a léiríonn suim rannchuidithe na mBallstát rannphárteach uile, agus an mhais chriticiúil íosta a shainítear sa mheasúnú ex ante dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír de mhír 4 á cur san áireamh go cuí, stopfar de chur chun feidhme na hionstraime airgeadais agus tabharfar na rannchuidithe ar ais do na Ballstáit.

I gcás nach mbeidh an Ballstát agus BIE in ann teacht ar chomhaontú faoi na coinníollacha don chomhaontú maoinithe dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír de mhír 4, tíolacfaidh an Ballstát iarraidh maidir le leasú ar an gclár dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír de mhír 4 agus an rannchuidiú a ath-leithdháileadh ar chlár agus ar thosaíochtaí eile i gcomhréir leis na ceanglais le haghaidh dírithe théamaigh.

I gcás ina mbeidh na coinníollacha le haghaidh foirceannadh rannchuidiú an Bhallstáit chuig an ionstraim arna bunú sa chomhaontú maoinithe idir an Ballstát lena mbaineann agus an BIE dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír de mhír 4 comhlíonta, tíolacfaidh an Ballstát iarraidh maidir

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

⁽²⁾ Treoir 2013/36/EU ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht na n-institiúidí creidmheasa agus le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

le leasú ar an gclár dá dtagraítear i bpointe (b) de chéad fhomhír de mhír 4 agus an rannchuidiú atá fanta a ath-leithdháileadh ar chlár agus ar thosaíochtaí eile i gcomhréir leis na ceanglais le haghaidh dírithe théamaigh.

I gcás ina gcuirfead stop le rannpháirtíocht Ballstáit, tíolacfaidh an Ballstát sin iarraidh maidir le leasú ar an gclár. I gcás ina ndéanfar leithreasuithe neamhúsáidte a shaoradh, cuirfead na leithreasuithe saortha ar fáil arís don Bhallstát lena mbaianeann, ionas go ndéanfar iad a ath-chlárú le haghaidh clár eile agus tosaíochtaí eile i gcomhréir le ceanglais an dírithe théamaigh.

3. Maidir le FBManna a fhaigheann maoiniú fiachais nua mar thoradh ar phunanna nua arna bhforbairt ag an idirghabhálaí airgeadais i gcomhthéacs na hionstraime airgeadais dá dtagraítear i mír 2, measfar iad a bheith ina bhfaighteoír deiridh de rannchuidiú an CFRE agus den CETFT leis na hionstraimí airgeadais lena mbaianeann.

4. Comhlíonfaidh an rannchuidiú airgeadais dá dtagraítear i mír 2 na coinníollacha seo a leanas:

(a) de mhaolú ar Airteagal 37(2), beidh sé bunaithe ar mheasúnú ex ante amháin ar leibhéal an Aontais arna dhéanamh ag an BIE agus ag an gCoimisiún;

Ar bhonn na bhfoinsí sonraí atá ar fáil maidir leis an maoiniú fiachais bainc agus FBManna, cuimseoidh an measúnú ex ante, inter alia, anailís ar riachtanais mhaoinithe FBManna ar leibhéal an Aontais, coinníollacha agus riachtanais FBManna chomh maith le léiriú den bhearna mhaoinithe FBM i ngach Ballstát, próifíl den staid eacnamaíoch agus airgeadais in earnáil FBM ar leibhéal an Bhallstáit, mais chriticiúil íosta de na rannchuidithe comhiomlána, raon de thoirte mheasta na n-iasachtaí iomlána arna nginiúint ag rannchuidithe den sórt sin agus an breisluach.

(b) déanfaidh gach Ballstát rannpháirteach é a sholáthar mar chuid de chlár tiomnaithe náisiúnta aonair in aghaidh gach rannchuidiú airgeadais ag CFRE agus ag CETFT a thacaíonn leis an gcuspóir téamach a leagtar amach i bpointe (3) den chéad mhír d'Airteagal 9;

(c) beidh sé faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach sa chomhaontú cistiúcháin arna thabhairt i gcrích idir gach Ballstát rannpháirteach agus BIE lena n-áirítear, inter alia:

(i) cúraimí agus oibleagáidí an BIE, lena n-áirítear luach saothair;

(ii) gearáil íosta atá le baint amach ag garspriocanna atá sainithe go soiléir laistigh den tréimhse incháilitheachta a léirítear in Airteagal 65(2);

(iii) coinníollacha don mhaoiniú fiachais nua;

(iv) forálacha a bhaineann le gníomhaíochtaí neamh-incháilithe agus le critéir eisiatachta;

(v) sceideal na n-íocaíochtaí;

(vi) pionóis i gcás neamh-chomhlíonadh ag na idirghabhálaíthe airgeadais;

(vii) roghnú idirghabhálaíthe airgeadais;

(viii) faireachán, tuairiscíú agus iniúchóireacht;

(ix) infheictheacht;

(x) na coinníollacha chun an comhaontú a fhoirceannadh.

Chun críocha chur chun feidhme na hionstraime, déanfaidh an BIE socrúithe conarthacha leis na hidirghabhálaíthe airgeadais roghnaithe;

(d) sa chás nach ndéanfar an comhaontú cistiúcháin dá dtagraítear i bpointe (c) a thabhairt chun críche laistigh de shé mhí ó ghlactar an clár dá dtagraítear i bpointe (b), beidh de cheart ag an mBallstát an rannchuidiú sin a ath-leithdháileadh ar chlár agus thosaíochtaí eile i gcomhréir leis na ceanglais le haghaidh díriú téamach.

Déanfaidh an Coimisiún, d'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Airteagal seo a chur chun feidhme, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos samhail den chomhaontú cistiúcháin dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír a ghlacadh. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 150(3).

5. Bainfead amach gearáil íosta i ngach Ballstát rannpháirteach ar leibhéal na ngarspriocanna a leagtar amach sa chomhaontú cistiúcháin dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír de mhír 4, arna ríomh mar chóimheas idir an maoiniú fiachais nua chuig FBManna incháilithe atá le tionscnamh ag idirghabhálaíthe airgeadais agus rannchuidiú comhfhreagrach CFRE agus CETFT ó na Ballstáit ábhartha leis na hionstraimí airgeadais. D'fhéadfadh gearáil íosta den sórt sin athrú ó Bhallstát rannpháirteach amháin go Ballstát rannpháirteach eile.

Sa chás nach bhfaighidh idirghabhálaí airgeadais an ghíaráil íosta a leagtar amach sa chomhaontú cistiúcháin dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír de mhír 4, beidh sé faoi cheangal conarthach pionóis a íoc chun sochair an Bhallstáit rannpháirtigh, i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach sa chomhaontú cistiúcháin.

Mainneachtain ag an idirghabhálaí airgeadais an ghíaráil íosta a leagtar amach sa chomhaontú cistiúcháin a bhaint amach, ní dhéanfaidh sí difear do na ráthaíochtaí a eisíodh ná do na hidirghabhálacha urrúsúcháin ábhartha.

6. De mhaolú ar an gcéad fhomhír d'Airteagal 38(2), féadfar rannchuidithe airgeadais dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a chur i gcuntas ar leithligh de réir an Bhallstáit nó, má thugann dhá Bhallstát rannpháirteacha nó níos mó a dtoiliú ina leith, i gcuntas aonair a chuimsíonn gach ceann de na Ballstáit sin agus féadfar iad a úsáid i gcomhréir le cuspóirí sonracha na gclár óna ndéantar na rannchuidithe.

7. De mhaolú ar Airteagal 41(1) agus (2) a mhéid a bhaineann leis na rannchuidithe airgeadais dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, déanfar iarraidh ar íocaíocht ag an mBallstát ar an gCoimisiún ar bhonn 100 % de na méideanna atá le híoc ag an mBallstát leis an BIE i gcomhréir leis an sceideal atá sainithe sa chomhaontú cistiúcháin dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír de mhír 4 den Airteagal seo. Beidh na hiarrataí sin ar íocaíocht bunaithe ar na méideanna atá iarrtha ag an BIE agus a mheastar a bheith riachtanach chun ceangaltas do chonarthaí ráthaíochtaí a chlúdach nó idirbhearta urrúsúcháin atá le tabhairt chun críche laistigh de na trí mí ina dhiaidh sin a chlúdach. Íocaíochtaí ó Bhallstáit chuig an BIE, déanfar iad gan mhoill agus in aon chás sula rachaidh an BIE i mbun ceangaltas.

8. Ag tráth dúnta an chláir, is é a bheidh sa chaiteachas incháilithe ná méid iomlán na ranniocaíochtaí cláir a íoctar leis an ionstraim airgeadais, a chomhfhreagraíonn dóibh seo a leanas:

(a) le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír de mhír 2 den Airteagal seo, na hacmhainní dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 42(3);

(b) le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír de mhír 2 den Airteagal seo, an méid comhiomlán den mhaoiniú fiachais nua a thig ó idirbhearta urrúsúcháin, arna íoc le nó chun sochair FBManna incháilithe laistigh den tréimhse incháilitheachta a léirítear in Airteagal 65(2).

9. Chun críocha Airteagal 44 agus Airteagal 45, measfar go mbeidh na ráthaíochtaí neamhghlaoite agus na méideanna aisghnóthaithe i ndáil le, faoi seach, na ráthaíochtaí neamhchaidhpeáilte agus na hidirbhearta urrúsúcháin, ina n-acmhainní a íocadh ar ais leis na hionstraimí airgeadais. Ag tráth fhoirceannadh na n-ionstraimí airgeadais, measfar go mbeidh na glanfháltais leachtaithe, tar éis asbhaint na gcostas agus na dtáillí agus tar éis na méideanna atá dlite do chreidiúnaithe a aicmítear a bheith níos sinsearaí ná iad siúd a rannchuidigh an CFRE agus an CETFT leo, tugtha ar ais do na Ballstáit ábhartha ar bhonn pro rata lena rannchuidithe leis an ionstraim airgeadais.

10. Beidh na míreanna breise seo a leanas ar áireamh sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 46(1):

(a) méid iomlán na tacaíochtaí CFRE agus CETFT a íoctar leis an ionstraim airgeadais i ndáil le hidirbhearta neamhchaidhpeáilte ráthaíochtaí nó urrúsúcháin, de réir cláir agus tosaíochta nó birt;

(b) an dul chun cinn i maoiniú fiachais nua a chruthú i gcomhréir le hAirteagal 37(4), le haghaidh FBManna incháilithe.

11. In ainneoin Airteagal 93(1), féadfar na hacmhainní arna leithdháileadh ar ionstraimí faoi mhír 1 den Airteagal seo a úsáid chun maoiniú fiachais FBM nua a chruthú i gcríoch uile

an Bhallstáit gan aird ar na catagóirí réigiúin, mura rud é go bhforáiltear dá mhalairt sa chomhaontú cistiúcháin dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír de mhír 4.

12. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 70 maidir le cláir a chuirtear ar bun chun ionstraimí airgeadais a chur chun feidhme faoin Airteagal seo.

Airteagal 40

Ionstraimí airgeadais a bhainistiú agus a rialú

1. Comhlachtaí arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 124 den Rialachán seo do CFRE, don Chiste Comhtháthaithe, do CSE, do CEMI agus i gcomhréir le hAirteagal 65 de Rialachán CETFT do CETFT, ní dhéanfaidh siad fíoruithe ar an láthair ar oibríochtaí comhdhéanta d'ionstraimí airgeadais arna gcur chun feidhme faoi phointe (a) d'Airteagal 38(1). Gheobhaidh na comhlachtaí ainmnithe sin tuarascálacha rialta ar rialú ó na comhlachtaí ar cuireadh cur chun feidhme na n-ionstraimí airgeadais sin ar a n-iontaoibh.

2. Ní dhéanfaidh na comhlachtaí atá freagrach as cláir a iniúchadh iniúchtaí ar oibríochtaí comhdhéanta d'ionstraimí airgeadais arna gcur chun feidhme faoi phointe (a) d'Airteagal 38(1) ná ar chórais bhainistíochta agus rialaithe a bhaineann leis na hionstraimí sin. Gheobhaidh siad tuarascálacha rialta ar rialú ó na hiniúcháirí atá ainmnithe sna comhaontuithe lenar cuireadh na hionstraimí airgeadais sin ar bun.

3. Maidir leis na comhlachtaí atá freagrach as cláir a iniúchadh, féadfaidh siad iniúchtaí a sheoladh ar leibhéal na bhfaighteoirí deiridh, ach ní fhéadfaidh siad é sin a dhéanamh ach amháin nuair a tharlaíonn ceann amháin nó níos mó de na cásanna seo a leanas:

(a) doiciméid tacaíochta, lena soláthraítear fianaise na tacaíochta ó na hionstraimí airgeadais leis na faighteoirí deiridh agus fianaise gur úsáideadh an tacaíocht sin do na críocha a bhí beartaithe i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, níl siad ar fáil ar leibhéal na hionstraime airgeadais nó ar leibhéal an údaráis bhainistíochta nó ar leibhéal na gcomhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme;

(b) tá fianaise ann nach ionann na doiciméid atá ar fáil ar leibhéal an údaráis bhainistíochta nó ar leibhéal na gcomhlachtaí a chuireann na hionstraimí airgeadais chun feidhme agus taifead frinneach agus beacht den tacaíocht a sholáthraítear;

4. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 142, maidir le bainistiú agus rialú ionstraimí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 38(1), lena n-áirítear rialuithe a bheidh le déanamh ag údaráis bhainistíochta agus iniúcháireachta, socrúithe chun doiciméid tacaíochta a choimeád, gnéithe a bheidh le fianaisiú ag doiciméid tacaíochta, agus socrúithe bainistíochta rialaithe agus iniúcháireachta. Tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle i leith na ngníomhartha tarmligthe sin faoin 22 Aibreán 2014.

5. Beidh na comhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme freagrach as a áirithiú go bhfuil na doiciméid tacaíochta ar fáil agus ní fhorchuirfidh siad ceanglais coimeáda taifead a théann thar a bhfuil riachtanach chun a chur ar a gcumas an fhreagracht sin a chomhlíonadh.

Airteagal 41

Iarrataí ar íocaíocht lena n-áirítear caiteachas le haghaidh ionstraimí airgeadais

1. Maidir leis na hionstraimí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 38(1) agus ionstraimí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 38(1) a chuirtear chun feidhme i gcomhréir le pointe (a) agus pointe (b) d'Airteagal 38(4), déanfar iarrataí céimneacha ar íocaíochtaí eatramhacha maidir le rannchuidithe cláir a íoc don ionstraim airgeadais le linn na tréimhse incháilitheachta a leagtar síos in Airteagal 65(2) ('an tréimhse incháilitheachta') i gcomhréir leis na coinníollacha seo a leanas:

- (a) ní bheidh méid an rannchuidithe cláir a íoctar don ionstraim airgeadais, agus a áirítear i ngach iarratas ar íocaíocht eatramhach a chuirtear isteach le linn na tréimhse incháilitheachta, níos mó ná 25 % de mhéid iomlán na rannchuidithe cláir atá geallta don ionstraim airgeadais faoin gcomhaontú cistiúcháin ábhartha, ar combhionann é sin agus an caiteachas de réir bhrí phointe (a), phointe (b) agus phointe (d) d'Airteagal 42(1) a mheastar a bheidh le híoc le linn na tréimhse incháilitheachta a léirítear in Airteagal 55(2). Áireoidh iarrataí ar íocaíocht eatramhach a thíolactar i ndiaidh na tréimhse incháilitheachta méid iomlán an chaiteachais incháilithe de réir bhrí Airteagal 42;
- (b) le gach iarratas ar íocaíocht eatramhach dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo, féadfar a chuimsiú suas le 25 % de shuim iomlán an chómhaoinithe náisiúnta, amhail dá dtagraítear in Airteagal 38(9), a mheastar a bheidh le híoc leis an ionstraim airgeadais, nó ar leibhéal na bhfaighteoirí deiridh, a mheastar a bheidh le híoc don chaiteachas de réir bhrí phointe (a), phointe (b) agus phointe (d) d'Airteagal 42(1), laistigh den tréimhse incháilitheachta;
- (c) ní dhéanfar iarratais ar íocaíocht eatramhach ina dhiaidh sin arna dtíolacadh le linn na tréimhse incháilitheachta ach amháin:
- (i) i gcás an dara hiarraidh ar íocaíocht eatramhach, nuair a bheidh 60 % ar a laghad den mhéid a cuimsíodh sa cheád iarratas ar íocaíochtaí eatramhacha caite mar chaiteachas incháilithe de réir bhrí phointe (a), phointe (b) agus phointe (d) d'Airteagal 42(1);
- (ii) i gcás an tríú hiarraidh ar íocaíocht eatramhach agus iarratais eile ina dhiaidh sin, nuair a bheidh 85 % ar a laghad de na méideanna a cuimsíodh sna hiarratais roimhe sin ar íocaíochtaí eatramhacha caite mar chaiteachas incháilithe de réir bhrí phointe (a), phointe (b) agus phointe (d) d'Airteagal 42(1);
- (d) le gach iarratas ar íocaíocht eatramhach, lena gcuimsítear caiteachas a bhaineann le hionstraimí airgeadais, sonrúar iontu, ar bhonn leithligh, méid iomlán na rannchuidithe cláir a íocadh leis an ionstraim airgeadais agus na méideanna a íocadh mar chaiteachas incháilithe de réir bhrí phointe (a), phointe (b) agus phointe (d) d'Airteagal 42(1).

Tráth a dhúntar clár, cuimseofar san iarratas ar íocaíocht an iarmhéid deiridh méid iomlán an chaiteachais incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 42.

2. Maidir leis na hionstraimí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 38(1) arna gcur chun feidhme i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 38(4), áireofar sna hiarratais ar íocaíochtaí eatramhacha, agus ar íocaíocht an iarmhéid deiridh méid iomlán na n-íocaíochtaí a rinne an t-údarás bainistithe d'infheistíochtaí i bhfaighteoirí deiridh amhail dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) d'Airteagal 42(1).

3. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 149, lena leagtar síos na rialacha maidir le híocaíochtaí a tharraingt siar le hionstraimí airgeadais agus modhnuithe ina dhiaidh sin i ndáil le hiarrataí ar íocaíochtaí.

4. Déanfaidh an Coimisiún, d'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme na forála seo, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na samhlacha a bheidh le húsáid nuair a bheidh faisnéis bhreise á cur isteach leis na hiarratais ar íocaíochtaí leis an gCoimisiún. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 150(3).

Airteagal 42

Caiteachas incháilithe ag tráth an dúnta

1. Tráth a dhúntar clár, is éard a bheidh i gcaiteachas incháilithe na hionstraimí airgeadais méid iomlán na rannchuidithe cláir atá íoctha ag an ionstraim airgeadais go hiarbhrí nó, i gcás ráthaíochtaí, atá geallta ag an ionstraim airgeadais laistigh den tréimhse incháilitheachta atá sonraithe in Airteagal 55(2), a chomhfhreagraíonn dóibh seo a leanas:

- (a) íocaíochtaí le faighteoirí deiridh, agus sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 37(7), íocaíochtaí dá dtairbhíonn faighteoirí deiridh;
- (b) acmhainní atá geallta do chonarthaí ráthaíochta, bídis gan íoc nó in aibíocht cheana féin, chun glaonna ráthaíochta féideartha ar chaillteanas a urramú, arna ríomh ar bhonn measúnaithe riosca ex ante stuama, lena gcuimhdaítear méid iolrach iasachtaí bunúsacha nua nó ionstraimí rioscúla eile le haghaidh infheistíochtaí nua i bhfaighteoirí deiridh;
- (c) fóirdheontais ráta úis nó fóirdheontais táillí ráthaíochta caipitlithe, atá dlite le híoc ar feadh tréimhse nach faide ná 10 mbliana tar éis na tréimhse incháilitheachta, agus a úsáidtear in éineacht le hionstraimí airgeadais, arna n-íoc isteach i gcuntas eascró a cuireadh ar bun go sonrúch chun na críche sin, agus atá le híoc go hiarbhrí tar éis na tréimhse incháilitheachta, ach i ndáil le hiasachtaí nó le hionstraimí rioscúla eile arna n-íoc le haghaidh infheistíochtaí i bhfaighteoirí deiridh atá le híoc go hiarbhrí laistigh den tréimhse incháilitheachta a leagtar síos in Airteagal 55(2);
- (d) na costais bhainistíochta a tabhaíodh a aisíoc nó táillí bainistíochta na hionstraimí airgeadais a íoc.

Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 149 lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le córas caipitlithe na dtráthchodanna bliantúla le haghaidh fóirdheontas ráta úis agus fóirdheontas táillí ráthaíochta dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír a bhunú

2. I gcás ionstraimí bunaithe ar chothromas agus micreach-reidmheasa, féadfar a mheas gur caiteachas incháilithe atá i gcostais nó táillí bainistíochta chaipitlithe atá dlite le híoc ar feadh tréimhse nach faide ná sé bliana tar éis na tréimhse incháilitheachta a leagtar síos in Airteagal 55(2), maidir leis na hinfeistíochtaí i bhfaighteoirí deiridh a tharla laistigh den tréimhse incháilitheachta sin, agus nach féidir a chumhdach le hAirteagal 44 nó le hAirteagal 45, i gcás ina n-íoctar isteach i gcuntas eascró a chuirtear ar bun go sonrach chun na críche sin.

3. I gcás ionstraimí bunaithe ar chothromas atá dírithe ar fhiontair dá dtagraítear in Airteagal 37(4) ar síníodh an comhaontú cistiúcháin dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 38(7) ina leith roimh an 31 Nollaig 2017, arb ionstraimí iad a d'infheistigh, ag deireadh na tréimhse cáilitheachta, 55 % ar a laghad de na hacmhainní cláir a gealladh sa chomhaontú cistiúcháin iomchuí, féadfar méid teoranta de na híocaíochtaí le haghaidh infheistíochtaí i bhfaighteoirí deiridh atá le déanamh ar feadh tréimhse nach faide ná ceithre bliana tar éis dheireadh na tréimhse incháilitheachta a mheas mar chaiteachas incháilithe, nuair a íoctar isteach iad i gcuntas eascró a bunaíodh go sonrach chun na críche sin, ar choinníoll go gcloífead le rialacha maidir le státchabhair agus go gcomhlíonfar na coinníollacha go léir a leagtar amach thíos.

Maidir leis an méid a íocfar isteach sa chuntas eascró:

- (a) ní úsáidfead é ach amháin le haghaidh infheistíochtaí leantacha i bhfaighteoirí deiridh tar éis infheistíochtaí tosaigh cothromais a fháil ón ionstraim airgeadais laistigh den tréimhse incháilitheachta, arb infheistíochtaí iad atá fós gan íoc go hiomlán nó go páirteach.
- (b) ní úsáidfead é ach amháin chun infheistíochtaí leantacha a dhéanamh i gcomhréir le caighdeán an mhargaidh agus le socruithe conarthacha caighdeánacha an mhargaidh agus a bheidh teoranta don íosmhéid is gá chun infheistíocht chomhpháirteach na hearnála príobháidí a spreagadh, agus leanúnachas maoinithe le haghaidh na spriocfhiontar ionas go dtairbheoidh idir infheisteoirí poiblí agus infheisteoirí príobháideacha d'infheistíochtaí á áirithiú.
- (c) ní rachaidh sé thar 20 % de chaiteachas incháilithe na hionstraime airgeadais atá bunaithe ar chothromas dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír de mhír 1, méid as a mbainfead na hacmhainní caipitil uasteorann agus na gnóthachain a aischuirtear san ionstraim sin atá bunaithe ar chothromas le linn na tréimhse incháilitheachta.

Aon mhéideanna a íocfar isteach sa chuntas eascró nach n-úsáidfead d'infheistíochtaí i bhfaighteoirí deiridh a íocadh sa tréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír, úsáidfead iad i gcomhréir le hAirteagal 45.

4. Ní bheidh an caiteachas incháilithe a nochtfar i gcomhréir le mír 1 agus mír 2 níos airde ná suim na méideanna seo a leanas:

- (a) méid iomlán na tacaíochta ó Chistí SIE a íoctar chun críocha mhír 1 agus mhír 2; agus
- (b) an cómhaoiniú náisiúnta comhfhreagrach.

5. An comhlacht a bhfuil an ciste de chistí á chur chun feidhme aige nó na comhlachtaí a bhfuil ionstraimí airgeadais á gcur chun feidhme acu de bhun phointe (a) agus phointe (b) d'Airteagal 38(4), féadfaidh sé nó siad na costais bhainistíochta agus na táillí bainistíochta dá dtagraítear i bpointe (d) den chéad fhomhír de mhír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo a mhuirearú agus ní bheidh siad níos mó ná na tairseacha a shainítear sa ghníomh tarmlichte dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo. De bhrí gur ítimí costais, idir dhíreach agus indíreach, a dhéantar a chúiteamh ach fianaise chaiteachais a chur ar fáil a bheidh sna costais bhainistíochta, is é a bheidh i gceist le táillí bainistíochta ná praghas comhaontaithe ar sheirbhísí a thugtar a bheidh bunaithe trí bhithin nós imeachta iomaíoch de chuid an mhargaidh, i gcás inarb infheidhme. Beidh costais bhainistíochta agus táillí bainistíochta bunaithe ar mhodheolaíocht ríofa bunaithe ar fheidhmíocht.

Féadfaidh táillí socraíochta a bheith sna costais agus táillí bainistíochta. I gcás ina ngearrtar táillí socraíochta, nó aon chuid díobh, ar fhaighteoirí deiridh, ní dhéanfar iad a dhearbhu mar chaiteachas incháilithe.

Beidh costais agus táillí bainistíochta, lena n-áirítear iad siúd a thabhaítear san obair ullmhúcháin maidir leis an ionstraim airgeadais sular síníodh an comhaontú cistiúcháin ábhartha, incháilithe amháin ó dháta shíniú an chomhaontaithe cistiúcháin ábhartha.

6. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 149, lena leagfar síos na rialacha mionsonraithe lena leagfar amach an critéir chun costais bhainistíochta agus táillí bainistíochta a chinneadh ar bhonn feidhmíochta agus na tairseacha infheidhme mar aon le rialacha a ghlacadh maidir le haisíoc costas bainistíochta caipitlithe agus táillí bainistíochta caipitlithe le haghaidh ionstraimí bunaithe ar chothromas agus micrichreidmheasa.

Airteagal 43

Ús arna ghiniúint agus gnóthachain eile arna nginiúint ag tacaíocht ó Chistí SIE le hionstraimí airgeadais

1. Cuirfead tacaíocht ó Chistí SIE a íoctar le hionstraimí airgeadais i dtaisce i gcuntais atá sainlonnaithe laistigh d'institiúidí airgeadais i mBallstáit agus déanfar iad a infheistiú ar bhonn sealadach i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais.

2. Maidir le hús agus gnóthachain eile atá inchurtha i leith tacaíochta ó na Cistí SIE a íoctar le hionstraimí airgeadais déanfar iad a úsáid chun na gcríoch céanna, lena n-áirítear aisíoc na gcostas bainistíochta a tabhaíodh nó íoc na dtáillí bainistíochta maidir leis an ionstraim airgeadais i gcomhréir le pointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 42(1) agus an chaiteachais a íoctar i gcomhréir le hAirteagal 42(2), agus a úsáidfead an tacaíocht tosaigh ó Chistí SIE bíodh sin laistigh den ionstraim airgeadais céanna, nó, tar éis an ionstraim airgeadais a fhoirceannadh, in ionstraimí airgeadais eile nó i bhfoirmeacha tacaíochta eile i gcomhréir leis na sainchuspóirí a leagtar amach faoi thosaíocht, go dtí deireadh na tréimhse incháilitheachta.

3. Áiritheoidh an t-údarás bainistíochta go gcoimeádfar taifid leormhaithe ar úsáid an úis agus na ngnóthachan eile.

Airteagal 44

Athúsáid na n-acmhainní atá inchurtha i leith na tacaíochta ó Chistí SIE go dtí deireadh na tréimhse incháilitheachta

1. Acmhainní a aisíoctar leis na hionstraimí airgeadais ó infheistíochtaí nó ó scaoileadh acmhainní a bhí geallta do chonarthaí ráthaíochta, lena n-áirítear aisíocaíochtaí agus gnóthachain caipitil agus tuillimh nó torthaí eile, amhail ús, táillí ráthaíochta, díbhinní, gnóthachain chaipitiúla nó fáltais ioncain ar bith eile arna nginiúint ag infheistíochtaí, atá inchurtha i leith na tacaíochta ó Chistí SIE, déanfar iad a athúsáid chun na gcríoch seo a leanas, suas go dtí na méideanna is gá agus san ord atá comhaontaithe sna comhaontuithe cistiúcháin ábhartha:

- (a) infheistíochtaí breise trí bhíthin na n-ionstraimí airgeadais céanna nó ionstraimí airgeadais eile, i gcomhréir leis na sainchuspóirí a leagtar amach faoi thosaíocht;
- (b) i gcás inarb infheidhme luach saothair fabhrach infheisteoirí príobháideacha nó infheisteoirí poiblí atá ag oibriú faoi phrionsabal an gheilleagair margaidh, a sholáthraíonn acmhainní contrapháirtí don tacaíocht ó Chistí SIE leis an ionstraim airgeadais nó a dhéanann comhinfeistíocht ar leibhéal na bhfaighteoirí deiridh;
- (c) i gcás inarb infheidhme, na costais bhainistíochta a tabhaíodh a aisíoc nó táillí bainistíochta na hionstraime airgeadais a íoc.

Déanfar an gá atá le luach saothair fabhrach de bhun phointe (b) den chéad fhomhúr, agus leibhéal an luach saothair sin, a shuíomh sa mheasúnú ex ante. Ní sháróidh an luach saothair fabhrach an méid is gá chun dreasachtaí a chruthú chun acmhainní contrapháirtí príobháideacha a mhealladh agus ní dhéanfaidh sé ró-chúiteamh d'infheisteoirí príobháideacha nó d'infheisteoirí poiblí a oibríonn faoi phrionsabal an gheilleagair margaidh. Déanfar ailíniú an úis a áirithiú trí chomhroinnt iomchuí an riosca agus an bhrabúis agus déanfar é sin ar ghnáthbhonn tráchtála agus beidh sé ag luí le rialacha an Aontais maidir le Státhachair.

2. Áiritheoidh an t-údarás bainistíochta go gcoimeádfar taifid leormhaithe ar úsáid na n-acmhainní agus na ngnóthachan dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 45

Acmhainní a úsáid i ndiaidh dheireadh na tréimhse incháilitheachta

Glacfaidh Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú go ndéanfar na hacmhainní a aisíoctar d'ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear aisíocaíochtaí agus gnóthachain chaipitiúla agus tuillimh nó torthaí eile a ghintear le linn tréimhse 8 mbliana ar a laghad i ndiaidh dheireadh na tréimhse incháilitheachta agus atá inchurtha i leith na tacaíochta ó Chistí SIE le hionstraimí

airgeadais de bhun Airteagal 37, a úsáid i gcomhréir le haidhmeanna an chláir nó na gclár, bíodh sin laistigh den ionstraim airgeadais céanna nó, i ngeall ar imeacht na n-acmhainní sin ón ionstraim airgeadais, in ionstraimí airgeadais eile ar choinníoll, sa dá chás, go léiríonn measúnú ar dhálaí an mhargaidh go bhfuil gá ann i gcónaí le hinfheistíocht den sórt sin nó le cineálacha eile tacaíochta.

Airteagal 46

Tuarascáil ar chur chun feidhme ionstraimí airgeadais

- 1. Déanfaidh an t-údarás bainistíochta tuarascáil shonrach ina gcumhdófar na hoibríochtaí sin a chuimsíonn ionstraimí airgeadais a chur chuig an gCoimisiún mar iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme.
- 2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas, i gcás gach ionstraime airgeadais, ar áireamh sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1:
 - (a) sainaitheint an chláir agus na tosaíochta nó an bhirt óna dtugtar tacaíocht ó Chistí SIE;
 - (b) tuairisc ar an ionstraim airgeadais agus ar na socruithe cur chun feidhme;
 - (c) sainaitheint na gcomhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme agus na gcomhlachtaí a chuireann cistí de chistí chun feidhme i gcás inarb infheidhme, amhail dá dtagraítear faoi phointe (a) d'Airteagal 38(1), faoi phointe (a), faoi phointe (b) agus faoi phointe (c) d'Airteagal 38(4), agus na n-idirghabhálaithe airgeadais dá dtagraítear faoi Airteagal 38(6);
 - (d) méid iomlán na rannchuidithe cláir de réir tosaíochta nó birt arna íoc leis an ionstraim airgeadais;
 - (e) méid iomlán na tacaíochta a d'íoc an ionstraim airgeadais leis na faighteoirí deiridh nó chun tairbhe na bhfaighteoirí deiridh, nó a gealladh san ionstraim airgeadais i gconarthaí ráthaíochta, le haghaidh infheistíochtaí sna faighteoirí deiridh, chomh maith leis na costais bhainistíochta nó na táillí bainistíochta a íocadh, de réir cláir agus de réir tosaíochta nó birt;
 - (f) feidhmíocht na hionstraime airgeadais, lena n-áirítear an dul chun cinn maidir lena chur ar bun agus maidir le comhlachtaí a roghnú a chuireann an ionstraim airgeadais chun feidhme, lena n-áirítear an comhlacht a chuireann ciste de chistí chun feidhme;
 - (g) ús agus gnóthachain eile arna nginiúint le tacaíocht ó Chistí SIE don ionstraim airgeadais, agus acmhainní cláir a íocadh ar ais leis na hionstraimí airgeadais ó infheistíochtaí amhail dá dtagraítear in Airteagal 43 agus in Airteagal 44;
 - (h) an dul chun cinn maidir leis an éifeacht luamhánaithe dhóchúil a bhaint amach mar gheall ar infheistíochtaí a dhéantar faoin ionstraim airgeadais agus luach na n-infheistíochtaí agus na rannpháirtíochtaí;

- (i) luach infheistíochtaí cothromais, i ndáil le blianta roimhe sin;
- (j) rannchuidiú na hionstraime airgeadais chun táscairí na tosaíochta nó an bhirt lena mbaineann a bhaint amach.

Ní fhéadfar an fhaisnéis i bpointe (h) agus i bpointe (j) den chéad fhomhír a áireamh ach amháin san iarscríbhinn a ghabhann leis na tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme a thíolacfar in 2017 agus in 2019 agus sa tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme freisin. Ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar amach i bpointe (a) go pointe (j) den chéad fhomhír ar leibhéal na bhfaighteoirí deiridh.

3. Déanfaidh an Coimisiún, d'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunófar na samhlacha a bheidh le húsáid nuair a bheidh tuairiscíú á dhéanamh ar ionstraimí airgeadais don Choimisiún. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 150(3).

4. Gach bliain, ag tosú in 2016, déanfaidh an Coimisiún, laistigh de shé mhí ón sprioc-am chun na tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme a thíolacadh dá dtagraítear in Airteagal 111(1) maidir le CFRE, CSE agus leis an gCiste Comhtháthaithe, in Airteagal 75 de Rialachán CETFT maidir le CETFT, agus sna forálacha ábhartha de na rialacha Ciste-shonracha maidir le CEMI, achoimre a sholáthar de na sonraí maidir leis an dul chun cinn a rinneadh in ndáil le maoiniú agus cur chun feidhme na n-ionstraimí airgeadais, ar sonraí iad a bheidh seolta ar aghaidh ag na húdaráis bhainistíochta i gcomhréir leis an Airteagal seo. Déanfar na hachoirí sin a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle agus poibleofar iad.

TEIDEAL V

FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT

CAIBIDIL I

Faireachán

Roinn I

Faireachán ar chláir

Airteagal 47

Coiste faireacháin

1. Laistigh de thrí mhí ó dháta an fhógra chuig an mBallstát maidir leis an gcinneadh ón gCoimisiún lena nglactar clár, bunóidh an Ballstát coiste, i gcomhréir lena chreat institiúideach, dlí agus airgeadais, chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir, i gcomhaontú leis an údarás bainistíochta ("coiste faireacháin").

Féadfaidh Ballstát coiste faireacháin aonair a bhunú chun níos mó ná clár amháin a chomhaoinítear as Cistí SIE a chumhdach.

2. Déanfaidh gach coiste faireacháin a rialacha nós imeachta a tharraingt suas agus a ghlacadh i gcomhréir le creat institiúideach, dlíthiúil agus airgeadais an Bhallstáit lena mbaineann.

3. Maidir le coiste faireacháin cláir faoi sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh, déanfaidh na Ballstáit atá rannpháirteach sa chláir comhair agus na tríú tíortha, i gcás ina mbeidh an cuireadh chun a bheith rannpháirteach sa chláir comhair glactha acu, é a chur ar bun i gcomhaontú leis an údarás bainistíochta laistigh de thrí mhí ón dáta a dtabharfar fógra den chinneadh lena nglactar an clár do na Ballstáit. Déanfaidh an coiste faireacháin sin a rialacha nós imeachta a tharraingt suas agus a ghlacadh.

Airteagal 48

Comhdhéanamh an choiste faireacháin

1. Cinnfidh an Ballstát comhdhéanamh an choiste faireacháin, ar choinníoll go bhfuil an coiste faireacháin chomhdhéanta d'ionadaithe ó údaráis ábhartha agus comhlachtaí idirmheánacha na mBallstát agus d'ionadaithe na gcomhpháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 5. Déanfaidh na comhpháirtithe faoi seach, trí phróisis thrédhearcacha, ionadaithe na gcomhpháirtithe a tharmligean le bheith mar chuid den choiste faireacháin. Féadfaidh gach comhalta den choiste faireacháin ceart vótála a bheith aige.

Déanfar comhdhéanamh an choiste faireacháin maidir le clár faoi sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh a chomhaontú idir na Ballstáit atá rannpháirteach sa chláir agus tríú tíortha, i gcás ina mbeidh an cuireadh le bheith rannpháirteach sa chláir comhair glactha acu. Áireofar sa choiste faireacháin ionadaithe ábhartha na mBallstát sin agus tríú tíortha. Féadfar ionadaithe de chuid EGTC a chuireann gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gclár i gcrích laistigh de limistéar an chláir a áireamh sa choiste faireacháin.

2. Foilseofar an liosta de chomhaltaí an choiste faireacháin.

3. Beidh an Coimisiún rannpháirteach i gcáil chomhairleach in obair an choiste faireacháin.

4. I gcás ina rannchuidíonn BEI le clár, féadfaidh sé a bheith rannpháirteach i gcáil chomhairleach in obair an choiste faireacháin.

5. Beidh ionadaí thar ceann an Bhallstáit nó an údaráis bhainistíochta ina chathaoirleach ar an gcoiste faireacháin.

Airteagal 49

Feidhmeanna an choiste faireacháin

1. Tiocfaidh an coiste faireacháin le chéile uair amháin ar a laghad in aghaidh na bliana agus déanfaidh sé athbhreithniú ar chur chun feidhme an chláir agus ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cuspóirí an chláir a ghnóthú. Á dhéanamh sin dó, tabharfaidh sé aird ar na sonraí airgeadais, ar tháscairí coiteanna agus ar tháscairí clár-shonracha, lena n-áirítear athruithe ar luach na dtáscairí toraidh agus an dul chun cinn i dtreo spriocluachanna cainníochtaithe, agus na garspriocanna atá sainithe sa chreat feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 21(1), agus, i gcás inarb iomchuí, na torthaí ón anailís cháilíochtúil.

2. Déanfaidh an coiste faireacháin scrúdú ar na saincheisteanna uile a dhéanann difear d'fheidhmiú an chláir, lena n-áirítear conclúidí na n-athbhreithnithe feidhmíochta.

3. Rachfar i gcomhairle leis an gcoiste faireacháin agus déanfaidh an coiste, má mheasann sé gurb iomchuí é sin a dhéanamh, tuairim a thabhairt uaidh maidir le haon leasú ar an gclár atá beartaithe ag an údarás bainistíochta.

4. Féadfaidh an coiste faireacháin barúlacha a dhéanamh agus iad a chur chuig an údarás bainistíochta maidir le cur chun feidhme an chláir agus maidir leis an meastóireacht a rinneadh air, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann leis an ualach riaracháin ar thairbhíthe a laghdú. Déanfaidh an coiste faireacháin faireachán ar ghníomhaíochtaí arna nglacadh de thoradh a chuid barúlacha.

Airteagal 50

Tuarascálacha ar chur chun feidhme

1. Ó 2016 go dtí 2023, an bhliain sin san áireamh, déanfaidh gach Ballstát tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme an chláir sa bhliain airgeadais roimhe sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Déanfaidh gach Ballstát tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme an chláir maidir le CFRE, le CSE agus leis an gCiste Comhtháthaithe agus tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme maidir le CETFT agus le CEMI a thíolacadh don Choimisiún faoin spriocdháta arna bhunú sna rialacha Ciste-shonracha.

2. Leagfar amach i dtuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme príomhfhaisnéis maidir leis an gclár agus a thosaíochtaí a chur chun feidhme faoi threoir sonraí airgeadais, táscairí coiteanna agus táscairí clár-shonracha agus spriocluachanna cainníochtaithe, lena n-áirítear athruithe ar luachanna na dtáscairí toraidh i gcás inarb iomchuí, agus, ag tosú leis an tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme a thíolacfar in 2017, na garspriocanna atá sainithe sa chreat feidhmíochta. Bainfidh na sonraí a tharchuirfead le luachanna na dtáscairí i gcomhair oibríochtaí atá curtha chun feidhme go hiomlán agus freisin, i gcás inarb indéanta sin, ag féachaint don chéim a bhaineann le cur chun feidhme, i gcomhair oibríochtaí roghnaithe. Leagfar amach iontu freisin sintéis d'fhionnachtana na meastóireachtaí uile ar an gclár a tháinig chun bheith ar fáil i rith na bliana airgeadais roimhe sin, aon saincheisteanna a dhéanann difear d'fheidhmíocht an chláir agus na bearta a rinneadh. Maidir leis an tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme a thíolacfar in 2016, féadfar a leagan amach ann freisin, i gcás inarb ábhartha, na gníomhaíochtaí atá le déanamh chun coinníollachtaí ex ante a chomhlíonadh.

3. De mhaolú ar mhír 2, féadfar rialacha sonracha maidir leis na sonraí a bheidh le tarchur don SIE a bhunú i Rialachán CSE.

4. Sa tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme a thíolacfar in 2017, déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 a leagan amach ann agus a mheasúnú, maille leis an dul chun cinn atá déanta maidir le cuspóirí an chláir a ghnóthú, lena n-áirítear rannchuidiú Chistí SIE le hathruithe ar luach na dtáscairí toraidh, nuair a bhíonn fianaise ar fáil ó mheastóireachtaí ábhartha. Leagfar amach sa tuarascáil bhliantúil sin ar chur chun feidhme na gníomhaíochtaí a bheidh le cur i gcrích chun na coinníollachtaí ex ante a chomhlíonadh nach raibh comhlíonta nuair a bhí na clár á nglacadh. Déanfar measúnú inti freisin ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí ar mhaithe leis na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 a chur san áireamh agus ar ról na gcomhpháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 5 maidir le cur chun feidhme an chláir agus tabharfar tuairisc inti ar an tacaíocht a úsáideadh le haghaidh na guspóirí i leith na hathraithe aeráide.

5. Áireofar sa tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme a thíolacfar in 2019 agus sa tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme a bhaineann le Cistí SIE, sa bhreis ar an bhfaisnéis agus ar an measúnú dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3, faisnéis maidir le cuspóirí an chláir a ghnóthú agus ar a mhéid a rannchuidigh an clár le straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a chur i gcrích, mar aon le measúnú ar an dul chun cinn atá déanta ina leith sin.

6. D'fhonn a mheas go bhfuil na tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 go mír 5 inghlactha, beidh an fhaisnéis go léir a éilítear sna míreanna sin agus sna rialacha Ciste-shonracha ar áireamh iontu.

Cuirfidh an Coimisiún in iúl don Bhallstát laistigh de 15 lá oibre ón dáta a fhaigheann sé an tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme más rud é nach bhfuil sé inghlactha, agus mura ndéanfar a leithéid measfar í a bheith inghlactha.

7. Scrúdóidh an Coimisiún an tuarascáil bhliantúil agus deiridh ar chur chun feidhme agus cuirfidh sé a chuid barúlacha ina leith in iúl don Bhallstát laistigh de dhá mhí ón dáta a fhaigheann sé an tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme agus laistigh de chúig mhí ón dáta a fhaigheann sé an tuarascáil dheiridh ar chur chun feidhme. I gcás nach gcuireann an Coimisiún barúlacha in iúl laistigh de na spriocdhátaí sin, measfar gur glacadh leis na tuarascálacha.

8. Féadfaidh an Coimisiún barúlacha a thabhairt don údarás bainistíochta maidir le saincheisteanna a dhéanfaidh difear suntasach do chur chun feidhme an chláir. I gcás ina dtugtar barúlacha den sórt sin, déanfaidh an t-údarás bainistíochta an fhaisnéis go léir is gá maidir leis na barúlacha sin a sholáthar agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sé, laistigh de thrí mhí, an Coimisiún a chur ar an eolas i dtaobh na mbearta a tógadh.

9. Déanfar na tuarascálacha bliantúla agus deiridh ar chur chun feidhme, mar aon le hachóimhre dá n-inneachar do na saoránaigh, a chur ar fáil don phobal.

Airteagal 51

Cruinniú athbhreithnithe bliantúil

1. Eagrófar cruinniú athbhreithnithe bliantúil gach bliain ó 2016 go dtí 2023, an bhliain sin san áireamh, idir an Coimisiún agus gach Ballstát ar leith chun feidhmíocht gach clár a scrúdú, agus cuirfead an tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme agus barúlacha agus moltaí an Choimisiúin san áireamh, i gcás inarb infheidhme.

2. Féadfar níos mó ná clár amháin a chumhdach le linn an chruinnithe athbhreithnithe bhliantúil. In 2017 agus in 2019, cumhdóidh an cruinniú athbhreithnithe bliantúil gach clár sa Bhallstát, agus cuirfead na tuarascálacha ar dhul chun cinn arna gcur isteach ag an mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 52 sna blianta sin san áireamh freisin.

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh an Ballstát agus an Coimisiún a chomhaontú gan cruinniú athbhreithnithe bliantúil a eagrú i gcás clár i mblianta eile seachas 2017 agus 2019.

4. Beidh an Coimisiún ina chathaoirleach ar an gcruinniú athbhreithnithe bliantúil nó, má iarrann an Ballstát amhlaidh, beidh an Ballstát agus an Coimisiún ina gcomhchathaoirigh.

5. Áiríteoidh an Ballstát go ndéanfar na bearta leantacha iomchuí i gcás barúlacha ón gCoimisiún i ndiaidh an chruinnithe maidir le saincheisteanna a dhéanfaidh difear suntasach do chur chun feidhme an chláir agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sé an Coimisiún a chur ar an eolas laistigh de thrí mhí ó glacadh na bearta.

Roinn II

Dul chun cinn straitéiseach

Airteagal 52

Tuarascáil ar dhul chun cinn

1. Faoin 31 Lúnasa 2017 agus faoin 31 Lúnasa 2019, cuirfidh an Ballstát tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta amhail an 31 Nollaig 2016 agus an 31 Nollaig 2018, faoi seach, faoi bhráid an Choimisiúin.

2. Sa tuarascáil ar dhul chun cinn déanfar faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas, mar aon le measúnú orthu, a leagan amach inti:

- (a) athruithe ar riachtanais forbartha an Bhallstáit ón tráth ar glacadh an Comhaontú Comhpháirtíochta;
- (b) an dul chun cinn atá déanta chun straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a chur i gcrích, mar aon leis na misin Chiste-shonracha dá dtagraítear in Airteagal 4(1), trí rannchuidiú Chistí SIE le cuspóirí téamacha roghnaithe, agus go háirithe maidir leis na garspriocanna atá leagtha amach le haghaidh gach cláir sa chreat feidhmíochta agus maidir leis an tacaíocht a úsáideadh le haghaidh cuspóirí i leith an athraithe aeráide;
- (c) cibé atá nó nach bhfuil na gníomhaíochtaí déanta chun na coinníollachtaí ex ante is infheidhme arna leagan amach sa Chomhaontú Comhpháirtíochta agus nach raibh comhlíonta ar an dáta a glacadh an Comhaontú Comhpháirtíochta a chomhlíonadh curtha chun feidhme i gcomhréir leis an tráthchlár a bhunaítear. Is maidir leis an tuarascáil ar dhul chun cinn a bheidh le cur isteach in 2017 amháin a bheidh feidhm ag an bpointe seo;
- (d) cur chun feidhme sásraí chun an comhordú idir Cistí SIE agus ionstraimí cistiúcháin eile de chuid an Aontais agus ionstraimí cistiúcháin náisiúnta eile le BEI a áirithiú;
- (e) cur chun feidhme an chur chuige comhtháite i leith na forbartha críochoaí, nó achoimre de chur chun feidhme na gcineálacha cur chuige comhtháite bunaithe ar na cláir, lena n-áirítear an dul chun cinn maidir le réimsí tosaíochta arna mbunú le haghaidh comhair a bhaint amach;
- (f) i gcás inarb iomchuí, gníomhaíochtaí arna nglacadh chun dlús a chur faoi inniúlacht údarais an Bhallstáit agus tairbhíthe chun Cistí SIE a riar agus a úsáid;
- (g) na gníomhaíochtaí atá déanta, agus an dul chun cinn atá déanta, maidir leis an ualach riaracháin do na tairbhíthe a laghdú;

(h) ról na gcomhpháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 5 i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta.

(i) achoimre ar na gníomhaíochtaí a rinneadh i ndáil le cur i bhfeidhm na bprionsabal cothrománach dá dtagraítear in Airteagal 5, in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 agus na gcuspoirí beartais le haghaidh chur chun feidhme Chistí SIE.

3. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, laistigh de dhá mhí ón dáta a dtíolacfar an tuarascáil ar dhul chun cinn, go bhfuil an fhaisnéis arna tíolacadh neamhiomlán nó míshoiléir, ar bhealach a dhéanfaidh difear suntasach do cháilíocht agus d'iontaofacht an mheasúnaithe lena mbaineann, féadfaidh sé faisnéis bhreise a iarraidh ón mBallstát, ar choinníoll nach gcruthóidh an iarraidh sin moilleanna nach bhfuil údar maith leo agus go dtabharfaidh an Coimisiún cúiseanna dó chun na cúiseanna a thabhairt lena suítear an easpa cáilíochta agus iontaofachta atá líomhnaithe. Soláthróidh an Ballstát gach faisnéis arna hiarraidh don Choimisiún laistigh de thrí mhí agus, i gcás inarb iomchuí, athbhreithneoidh sé an tuarascáil ar dhul chun cinn dá réir sin.

4. Déanfaidh an Coimisiún, d'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunófar an tsamhail a bheidh le húsáid agus an tuarascáil ar an dul chun cinn á cur isteach. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 150(2).

Airteagal 53

Tuairisciú ón gCoimisiún agus an díospóireacht ar Chistí SIE

1. Déanfaidh an Coimisiún, gach bliain ó 2016, tuarascáil achoimre a chur chuig Parlaimint na hEorpa, an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le cláir Chistí SIE, ar tuarascáil í a bheidh bunaithe ar na tuarascála bliantúla ar chur chun feidhme na mBallstát arna dtíolacadh faoi Airteagal 50, mar aon le sintéis d'fhionnachtana na meastóireachtaí ar na cláir a bheidh ar fáil. In 2017 agus in 2019, beidh an tuarascáil achomair sin mar chuid den tuarascáil straitéiseach dá dtagraítear i mír 2.

2. In 2017 agus in 2019, ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil straitéiseach ina dtabharfar achoimre ar thuarascálacha ar dhul chun cinn na mBallstát agus a ndéanfaidh sé, faoin 31 Nollaig 2017 agus faoin 31 Nollaig 2019 faoi seach, í a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún agus tabharfar cuireadh do na hinstiúidí sin díospóireacht a bheith acu air.

3. Déanfaidh an Chomhairle díospóireacht ar an tuarascáil straitéiseach, go háirithe a mhéid a bhaineann le rannchuidiú Chistí SIE le baint amach straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach agus tabharfar cuireadh di ionchur a sholáthar i gcruinniú an Earraigh den Chomhairle Eorpach.

4. Gach dhá bhliain ó 2018, déanfaidh an Coimisiún a áireamh ina Thuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn chuig cruinniú an Earraigh den Chomhairle Eorpach roinn ina dtabharfar achoimre ar an gceann is deireanaí de na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, go háirithe a mhéid a bhaineann le rannchuidiú Chistí SIE leis an dul chun cinn atá á dhéanamh chun straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a chur i gcrích.

CAIBIDIL II

Meastóireacht*Airteagal 54***Forálacha Ginearálta**

1. Déanfar meastóireachtaí chun cáilíocht cheapadh agus chur chun feidhme na gclár a fheabhsú agus chun measúnú a dhéanamh ar a n-éifeachtacht, ar a n-éifeachtúlacht agus ar a dtionchar. Déanfar meastóireacht ar thionchar na gclár, i bhfianaise an mhisin a bhaineann le gach Ciste Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, maidir leis na spriocanna faoi straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach agus, ag féachaint do mhéid an chláir, maidir le OTI agus le spriocanna a bhaineann leis an dífhos-taíocht i limistéar an chláir lena mbaineann, i gcás inarb iomchuí.

2. Soláthróidh Ballstát na hacmhainní is gá chun meastóireachtaí a dhéanamh, agus áiritheoidh siad go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun na sonraí is gá le haghaidh meastóireachtaí a tháirgeadh agus a bhailiú, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le táscairí coiteanna agus le táscairí clár-shonracha.

3. Is saineolaithe inmheánacha nó seachtracha atá neamhspleách ó thaobh feidhme de ar na húdaráis atá freagrach as cur chun feidhme an chláir a dhéanfaidh na meastóireachtaí. Soláthróidh an Coimisiún treoraíocht maidir leis an tslí ina ndéanfar na meastóireachtaí, agus déanfaidh sé an méid sin díreach tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

4. Déanfar na meastóireachtaí go léir a chur ar fáil don phobal.

*Airteagal 55***Meastóireacht ex ante**

1. Déanfaidh gach Ballstát meastóireachtaí ex ante chun cáilíocht cheapadh gach cláir a fheabhsú.

2. Cuirfear meastóireachtaí ex ante i gcrích faoi fhreagracht an údaráis atá freagrach as na cláir a ullmhú. Cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin iad an tráth céanna agus a chuirfear an clár faoina bhráid, mar aon le hachóimre feidhmiúcháin. Féadfar tairseacha a bhunú sna rialacha Ciste-shonracha, tairseacha faoina bhféadfar an mheastóireacht ex ante a nascadh leis an meastóireacht ar chláir eile.

3. Tabharfar breithmheas ar an méid seo a leanas sna meastóireachtaí ex ante:

- (a) a mhéid a rannchuidíonn siad le straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, ag féachaint do chuspóirí téamacha roghnaithe agus do thosaíochtaí, ag cur san áireamh riachtanais náisiúnta agus réigiúnacha agus an acmhainn chun forbartha chomh maith le ceachtanna a foghlamaíodh ó chlárthréimhsí roimhe sin;
- (b) comhleanúnachas inmheánach an chláir nó na gníomhaíochta atá beartaithe agus an gaol le hionstraimí ábhartha eile;

(c) a chomhsheasmhaí is atá leithdháileadh acmhainní buiséadacha le cuspóirí an chláir;

(d) a chomhsheasmhaí atá cuspóirí téamacha roghnaithe, na tosaíochtaí agus cuspóirí comhfhreagracha na gclár le CS, leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus leis na moltaí tír-shonracha ábhartha ón gComhairle arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 121(2) CFAE agus, i gcás inarb iomchuí ar an leibhéal náisiúnta, leis an gClár Náisiúnta um Athchóiriú;

(e) ábharthacht agus soiléireacht na dtáscairí cláir atá beartaithe;

(f) an chaoi a rannchuideoidh na haschuir a bhfuil súil leo le torthaí;

(g) cibé an bhfuil na spriocluachanna cainníochtaithe le haghaidh táscairí réadúil, ag féachaint don tacaíocht a shamhlaítear a thiocfaidh ó Chistí SIE;

(h) an réasúnaíocht maidir leis an gcineál tacaíochta atá beartaithe;

(i) leordhóthanacht na n-acmhainní daonna agus an chumais riaracháin chun an clár a bhainistiú;

(j) oiriúnacht na nósanna imeachta chun faireachán a dhéanamh ar an gclár agus chun na sonraí is gá chun meastóireachtaí a dhéanamh a bhailiú;

(k) oiriúnacht na ngarspriocanna arna roghnú le haghaidh an chreata feidhmíochta;

(l) leordhóthanacht na mbearta atá beartaithe chun comhdheiseanna idir fir agus mná a chur chun cinn agus chun aon idirdhealú a chosc; go háirithe a mhéid a bhaineann le hinrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas;

(m) leordhóthanacht na mbearta atá beartaithe chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn;

(n) bearta atá pleanáilte chun an t-ualach riaracháin a laghdú ar thairbhíthe.

4. Cuimseofar i meastóireachtaí ex ante, i gcás inarb iomchuí, na ceanglais maidir leis an measúnú straitéiseach comhshaoil a leagtar amach i gcur chun feidhme Threoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ lena gcuirtear san áireamh na riachtanais don mhaolú ar an athrú aeráide.

*Airteagal 56***Meastóireacht le linn na clárthréimhse**

1. Déanfaidh an t-údarás bainistíochta nó an Ballstát plean meastóireachta a tharraingt suas agus d'fhéadfadh sé go gcumhdófaí níos mó ná clár amháin ann. Déanfar é a thíolacadh i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cumas meastóireachta iomchuí ar fáil.

⁽¹⁾ Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le measúnú ar na héifeachtaí atá ag pleananna agus cláir áirithe ar an gcomhshaoil (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30).

3. Le linn na clárthréimhse, áiritheoidh an t-údarás bainistíochta go gcuirfead meastóireachtaí i gcrích, lena n-áirítear meastóireachtaí chun éifeachtacht, éifeachtúlacht agus tionchar a mheasúnú, le haghaidh gach cláir ar bhonn an phlean meastóireachta agus áiritheoidh sé go mbeidh gachmeastóireacht faoi réir na mbeart leantach iomchuí i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha. Uair amháin ar a laghad le linn na tréimhse cláraithe, déanfar measúnú trí bhíthin meastóireachta ar an gcaoi ar rannchuidigh tacaíocht ó Chistí SEI leis na cuspóirí le haghaidh gach tosaíochta. Scrúdóidh an coiste faireacháin na meastóireachtaí uile agus seolfar chuig an gCoimisiún iad.

4. Féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, meastóireachtaí a dhéanamh ar chláir. Déanfaidh sé an tÚdarás Bainistíochta a chur ar an eolas agus seolfar na torthaí chuig an Údarás Bainistíochta agus déanfar iad a sholáthar don choiste faireacháin lena mbaineann.

5. Ní bheidh feidhm ag mír 1, mír 2 agus mír 3 den Airteagal seo maidir leis na cláir thiomnaithe dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 39(4).

Airteagal 57

Meastóireacht ex post

1. Is é an Coimisiún, nó is iad na Ballstáit i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, a dhéanfaidh na meastóireachtaí ex-post. Déanfar scrúdú sna meastóireachtaí ex post ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht Chistí SIE agus ar a mhéid a rannchuidíonn siad le straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach ag cur na spriocanna atá bunaithe Straitéis sin an Aontais san áireamh agus i gcomhréir leis na ceanglais shonracha atá leagtha síos sna rialacha Ciste-shonracha.

2. Beidh meastóireachtaí ex post lánchríochnaithe faoin 31 Nollaig 2024.

3. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh an mheastóireacht ex-post ar na cláir thiomnaithe dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 39(4) agus beidh siad lánchríochnaithe aige faoin 31 Nollaig 2019.

4. Le haghaidh gach ceann de Chistí SIE, déanfaidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2025, tuarascáil sintéise a ullmhú ina dtabharfar mionchuntas ar phríomhchonclúidí na meastóireachtaí ex post.

TEIDEAL VI

CÚNAMH TEICNIÚIL

Airteagal 58

Cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún

1. Ar thionscnamh ón gCoimisiún, féadfaidh Cistí SIE tacú leis na bearta ullmhúcháin, faireacháin, riaracháin agus cúnamh theicniúil, meastóireachta, iniúchóireachta agus rialaithe is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme.

Féadfar na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chur chun feidhme go díreach ag an gCoimisiún nó go hindíreach ag eintitis agus daoine seachas na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 60 den Rialachán Airgeadais.

Féadfar an méid seo a leanas a bheith san áireamh, go háirithe, sna bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

- (a) cúnamh le haghaidh ullmhú agus breithmheas tionscadail, lena n-áirítear le BEI;
- (b) tacaíocht do neartú institiúide agus forbairt acmhainní riaracháin le haghaidh bhainistíocht éifeachtach Chistí SIE;
- (c) staidéir atá nasctha le tuairiscí an Choimisiúin ar Chistí SIE agus leis an tuarascáil faoin gcomhtháthú;
- (d) bearta a bhaineann le hanailísiú, bainistiú, faireachán, malartú faisnéise agus cur chun feidhme Chistí SIE, mar aon le bearta a bhaineann le cur chun feidhme na gcóras rialaithe agus le cúnamh teicniúil agus riaracháin;
- (e) meastóireachtaí, tuarascálacha saineolaithe, staidreamh agus staidéir, lena n-áirítear cinn de chineál ginearálta, i dtaca le feidhmiú reatha agus todhcháí Chistí SIE, a bhféadfaidh BEI tabhairt fúthu i gcás inarb iomchuí;
- (f) gníomhaíochtaí chun faisnéis a scaipeadh, tacú le líonrú, gníomhaíochtaí cumarsáide a dhéanamh, feasacht a spreagadh agus comhar agus malartú taithí a chur chun cinn, lena n-áirítear le tríú tíortha;
- (g) córais ríomhairithe i leith bainistíochta, faireacháin, iniúchóireachta, rialaithe agus meastóireachta a shuiteáil, a oibriú agus a idirnascaidh;
- (h) gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar mhodhanna meastóireachta agus ar mhalartú faisnéise maidir le cleachtais mheastóireachta;
- (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le hiniúchóireacht;
- (j) an cumas náisiúnta agus réigiúnach a neartú maidir le planáil infheistíochtaí, measúnú ar riachtanais, ullmhú, ceapadh agus cur chun feidhme ionstraimí airgeadais, comhphleananna gníomhaíochta agus mórhionscadal, lena n-áirítear tionscnaimh chomhpháirteacha le BEI.
- (k) dea-chleachtais a scaipeadh chun cabhrú le Ballstáit cumas na gcomhpháirtithe ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 5 agus a mbrateagraíochtaí a neartú;
- (l) bearta a dhéanfaidh athbhreithnithe struchtúracha agus riaracháin a shainiú, a chur in ord tosaíochta agus a chur chun feidhme mar fhreagairt ar dhúshláin eacnamaíocha agus sóisialta i mBallstáit a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 24(1).

Chun an chumarsáid leis an bpobal i gcoitinne a dhéanamh níos éifeachtaí agus chun treisiú leis na sinéirgíochtaí idir gníomhaíochtaí cumarsáide a dhéantar ar thionscnamh ón gCoimisiún, rannchuideoidh na hacmhainní a leithdháiltear ar ghníomhaíochtaí cumarsáide faoin Rialachán seo freisin le cumarsáid chorparáideach a dhéanamh faoi thosaíochtaí polaitiúla an Aontais, a mhéid is go bhfuil siad gaolmhar do chuspóirí ginearálta an Rialacháin seo.

2. Leagfaidh an Coimisiún a chuid pleananna amach maidir leis an gcineál gníomhaíochtaí a bhaineann leis na bearta a liostaítear in mírl, nuair a bheartaítear rannfoaíocht ó Chistí SIE trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme.

Airteagal 59

Cúnamh teicniúil ar thionscnamh ó na Ballstáit

1. Ar thionscnamh ó Bhallstát, féadfaidh Cistí SIE tacú le gníomhaíochtaí maidir le hullmhúchán, bainistiú, faireachán, meastóireacht, faisnéis agus cumarsáid, líonrú, réiteach gearán, agus rialú agus iniúchóireacht. Féadfaidh an Ballstát úsáid a bhaint as Cistí SIE chun tacú le gníomhaíochtaí chun an t-ualach riaracháin ar thairbhíthe a laghdú, lena n-áirítear córais mhalartaithe leictreonaigh sonraí, agus le gníomhaíochtaí chun dlús a chur le cumas údarais an Bhallstáit agus tairbhíthe na Cistí sin a riar agus a úsáid. Féadfar Cistí SEI a úsáid freisin chun tacú le gníomhaíochtaí chun cumas na gcomhpháirtithe ábhartha a threisiú i gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 5(3) agus chun tacú le malartú na ndea-chleachtas idir comhpháirtithe den sórt sin. Féadfaidh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa mhír seo a bheith ag baint le clárthréimhsí roimhe sin agus ina dhiaidh sin.

2. Féadfar leis na rialacha Ciste-shonracha gníomhaíochtaí a fhaigheann maoiniú ó chúnamh teicniúil gach ceann ar leith de Chistí SIE a chur san áireamh nó a eisiamh.

TEIDEAL VII

TACAÍOCHT AIRGEADAIS Ó CHISTÍ SIE

CAIBIDIL I

Tacaíocht ó Chistí SIE

Airteagal 60

Rátaí cómhaoinithe a chinneadh

1. Sa chinneadh ón gCoimisiún lena ngactar clár, déanfar an ráta nó na rátaí cómhaoinithe agus uasmhéid na tacaíochta ó Chistí SIE a shocrú de réir na rialacha Ciste-shonracha.

2. Féadfar bearta cúnaimh theicniúil arna gcur chun feidhme ar thionscnamh ón gCoimisiún, nó thar a cheann, a mhaoiniú de réir ráta 100 %.

Airteagal 61

Oibríochtaí a ghineann glanioncam i ndiaidh a gcur i gcrích

1. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le hoibríochtaí a ghineann glanioncam i ndiaidh a gcur i gcrích. Chun críocha an Airteagal seo, ciallaíonn 'glanioncam' insreabhadh airgid isteach a íocann úsáideoirí ar earraí nó seirbhísí arna soláthar ag an oibríocht, amhail muirir a sheasann úsáideoirí go díreach as úsáid an bhonneagair, díol nó cíos talún nó foirgneamh, nó íocaíochtaí as seirbhísí lúide aon chostais oibríochta agus as costas a bhaineann le trealamh gearrshaoil a athsholáthar agus a thabhaítear le linn na tréimhse atá i gceist. Déileálfar le coigilteas a bhaineann le costais oibríochta arna nginiúint ag an oibríocht mar ghlánioncam mura rud é go bhfuil siad cúitithe ag laghdú comhionann i bhfóirdheontais oibríochta.

I gcás nach bhfuil an costas infheistíochta iomlán incháilithe do cómhaoiniú, leithdháilfear an glanioncam dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar bhonn pro rata do chodanna incháilithe agus neamh-incháilithe an chostais infheistíochta.

2. Laghdófar caiteachas incháilithe na hoibríochta atá le cómhaoiniú ó na Cistí roimh ré agus cuirfear san áireamh ann acmhainn na hoibríochta chun glanioncam a ghiniúint thar thréimhse thagartha shonrach a chumhdóidh cur chun feidhme na hoibríochta agus an tréimhse i ndiaidh a cur i gcrích faoi seach.

3. Déanfar glanioncam féideartha na hoibríochta a chinneadh roimh ré trí bhíthin cheann amháin de na modhanna seo a leanas arna roghnú ag an údarás bainistíochta d'earnáil, d'fho-earnáil nó do chineál oibríochta:

(a) céatadán den ghlánioncam ar ráta comhréidh a chur i bhfeidhm maidir leis an earnáil nó leis an bhfo-earnáil is infheidhme don oibríocht de réir mar a shainítear é in Iarscríbhinn V nó in aon cheann de na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, sa tríú fómhír agus sa cheathrú fómhír;

(b) glanioncam na hoibríochta nach n-áirítear a ríomh, agus á chur san áireamh an tréimhse thagartha iomchuí don earnáil nó don fho-earnáil is infheidhme maidir leis an oibríocht, an bhrabúsacht lena mbítear ag súil de ghnáth sa chatagóir infheistíochta lena mbaineann, cur i bhfeidhm an phrionsabail íoc mar a thruaillítear agus, más iomchuí, comaoineacha ar chothromas atá nasctha le rathúnas coibhneasta an Bhallstáit nó an réigiúin lena mbaineann.

Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 142 i gcásanna cuir-réasúnaithe chun Iarscríbhinn V a leasú trí choigeartuithe a dhéanamh ar na rátaí comhréidhe arna mbunú san Iarscríbhinn sin agus sonraí stairiúla agus an fhéidearthacht costas a aisghabháil chomh maith leis an bprionsabal íoc mar a thruaillítear, i gcás inarb infheidhme sin, á gur san áireamh.

Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 149 lena mbunófar rátaí comhréidhe d'earnálacha nó d'fho-earnálacha sna réimsí TFC, taighde, forbairt agus nuáil agus éifeachtúlacht fuinnimh. Tabharfaidh an Coimisiún fógra i dtaobh na ngníomhartha tarmligthe do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2015.

Sa bhreis air sin, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 149 i gcásanna cuir-réasúnaithe maidir le hearnálacha nó fo-earnálacha, lena n-áirítear fo-earnálacha do na hearnálacha, a thagann faoi na cuspóirí téamacha a shainítear sa chéad mhír d'Airteagal 9 agus a fhaigheann tacaíocht ó Chistí SIE, a chur isteach in Iarscríbhinn V.

I gcás ina gcuirtear an modh dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír i bhfeidhm, déanfar an glanioncam uile a ghintear le linn chun feidhme na hoibríochta agus i ndiaidh an oibríochta a thabhairt chun críche a chur san áireamh tríd an ráta comhréidh a chur i bhfeidhm agus, dá bhrí sin, ní dhéanfar é a asbhaint ina dhiaidh sin as an gcaiteachas incháilithe don oibríocht.

Nuair a bhíonn ráta comhréidh d'earnáil nua nó d'fho-earnáil nua bunaithe trí bhíthin gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir leis an tríú fomhír agus leis an gceathrú fomhír, féadfaidh údarás bainistíochta a roghnú an modh a leagtar amach i bpointe (a) den chéad fomhír a chur i bhfeidhm maidir le hoibríochtaí nua i ndáil leis an earnáil nó leis an bhfo-earnáil lena mbaineann.

Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 149, lena leagtar síos an modh dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fomhír. I gcás ina gcuirtear an modh sin i bhfeidhm, déanfar an glanioncam arna ghiniúint le linn an oibríochta a chur chun feidhme, a bheidh mar thoradh ar fhoincís ioncain nár cuireadh san áireamh tráth ar cinneadh glanioncam féideartha na hoibríochta, a asbhaint ó chaiteachas incháilithe na hoibríochta tráth nach déanaí ná san éileamh íocaíochta deiridh a bheith tíolactha ag an tairbhí.

4. An modh lena ndéantar an glanioncam a asbhaint ó chaiteachas na hoibríochta atá ar áireamh san iarraidh ar íocaíocht arna tíolacadh don Choimisiún, déanfar é a chinneadh i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta.

5. Mar rogha ar chur i bhfeidhm na modhanna a leagtar síos i mír 3, féadfar, ar iarraidh ó Bhallstát, an t-uasráta cómhaoinithe dá dtagraítear in Airteagal 60(1) a laghdú an tráth a nglactar clár i gcomhair tosaíochta nó birt faoina bhféadfadh gach oibríocht a bheidh le tacaíocht a fháil faoin tosaíocht sin ráta comhréidh aonfhoirmeach a chur i bhfeidhm i gcomhréir le pointe (a) den chéad fomhír de mhír 3. Ní bheidh an laghdú níos lú ná an méid a ríomhtar trí uasráta cómhaoinithe an Aontais is infheidhme faoi na rialacha Ciste-shonracha a mhéadú faoin ráta comhréidh ábhartha dá dtagraítear i bpointe(a) den chéad fomhír de mhír 3.

I gcás ina gcuirtear an modh dá dtagraítear sa chéad fomhír i bhfeidhm, déanfar an glanioncam uile a ghintear le linn chur chun feidhme na hoibríochta agus i ndiaidh an oibríochta a bheith tugtha chun críche, a chur san áireamh tríd an ráta comhréidh laghdaithe a chur i bhfeidhm agus ní dhéanfar, dá bhrí sin, é a asbhaint ina dhiaidh sin as an gcaiteachas incháilithe don oibríocht.

6. I gcás nach féidir an t-ioncam a chinneadh go hoibiachtúil roimh ré bunaithe ar aon cheann de na modhanna a leagtar amach i mír 3 nó i mír 5, déanfar an glanioncam arna ghiniúint laistigh de thrí bliana ón dáta a gcuirtear oibríocht i gcrích, nó faoin spriocdháta maidir le doiciméid do dhúnadh clár a chur isteach a shocraítear sna rialacha Ciste-shonracha, cibé acu is tuisce, a asbhaint ón gcaiteachas arna dhearbhu don Choimisiún.

7. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 go 6 maidir leo seo a leanas:

- (a) oibríochtaí nó codanna d'oibríochtaí ar ó CSE amháin a fhaigheann siad tacaíocht;
- (b) oibríochtaí nach bhfuil a gcostais incháilithe iomlán níos mó ná EUR 1 000 000 sula gcuirfead mír 1 go mír 6 i bhfeidhm;

(c) cúnaimh in-aisíochta faoi réir oibleagáide maidir le haisíocht iomlán agus duaiseanna;

(d) cúnaimh teicniúil;

(e) tacaíocht d'ionstraimí airgeadais nó tacaíocht ó ionstraimí airgeadais;

(f) oibríochtaí ar a bhfuil a dtacaíocht phoiblí i bhfoirm cnapshuimeanna nó i bhfoirm aonaid scála caighdeánaithe i ndáil le costais,

(g) oibríochtaí a chuirtear chun feidhme faoi chomhphlean gníomhaíochta;

(h) oibríochtaí dá ndéantar méideanna nó rátaí tacaíochta a shainiú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán CETFT.

D'ainneoin phointe (b) den chéad fomhír den mhír seo, i gcás ina gcuireann Ballstát mír 5 i bhfeidhm, féadfaidh sé oibríochtaí nach bhfuil a gcostas incháilithe iomlán níos mó ná EUR 1 000 000 sula gcuirtear míreanna 1 go 6 i bhfeidhm a áireamh sa tosaíocht ábhartha nó sa bheart ábhartha.

8. Sa bhreis air sin, ní bheidh feidhm ag mír 1 go mír 6 maidir leis na hoibríochtaí faoin glár na gnéithe seo a leanas:

(a) cabhair de minimis;

(b) stáitchabhair inghlactha do FBManna i gcás ina gcuirtear teorainn maidir le dlús na cabhrach nó méid na cabhrach i bhfeidhm maidir le Stáitchabhair;

(c) stáitchabhair inghlactha, i gcás inar cuireadh i gcrích fíorú indibhidiúil ar riachtanais maoinithe i gcomhréir leis na rialachais infheidhme maidir le Stáitchabhair.

D'ainneoin na chéad fomhíre, féadfaidh údarás bainistíochta mír 1 go mír 6 a chur i bhfeidhm maidir leis na hoibríochtaí a thagann faoi phointe (a) go pointe (c) den chéad fomhír den mhír seo i gcás ina bhforáiltear dó sin sna rialacha náisiúnta.

CAIBIDIL II

Rialacha speisialta maidir le tacaíocht ó Chistí SIE do CPPanna

Airteagal 62

CPPanna

Féadfar Cistí SIE a úsáid chun tacú le hoibríochtaí CPP. Comhlíonfaidh oibríochtaí CPP den sórt sin an dlí is infheidhme, go háirithe maidir le Stáitchabhair agus soláthar poiblí.

Airteagal 63

Tairbhí faoi oibríochtaí CPP

1. Maidir le hoibríocht CPP, agus de mhaolú ar phointe (10) d'Airteagal 2, féadfaidh tairbhí a bheith ar cheann díobh seo a leanas:

- (a) an comhlacht dlí phoiblí a chuireann tús leis an oibríocht; nó

(b) comhlacht atá á rialú ag dlí príobháideach Ballstáit (an "comhpháirtí príobháideach") a roghnaíodh nó a bheidh le roghnú chun an oibríocht a chur chun feidhme.

2. Féadfaidh an comhlacht dlí phoiblí a chuireann tús le hoibríocht CPP a mholadh gurb é an comhpháirtí príobháideach atá le roghnú, tar éis don oibríocht a bheith formheasta, atá le bheith ina thairbhí chun críocha na tacaíochta ó Chistí SIE. Sa chás sin, beidh an cinneadh um fhormheas faoi choinníoll go ndeimhneoidh an t-údarás bainistíochta dó féin go gcomhlíonann agus go nglacann an comhpháirtí príobháideach a roghnaítear gach oibleagáid chomhfhreagrach atá ar thairbhí faoin Rialachán seo.

3. Féadfar an comhpháirtí príobháideach a roghnaítear chun an oibríocht a chur chun feidhme a ionadú mar thairbhí le linn an chur chun feidhme i gcás inar gá sin faoi théarmaí agus coinníollacha an CPP nó faoin gcomhaontú maoiniúcháin idir an comhpháirtí príobháideach agus an institiúid airgeadais a thugann cómhaoiniú don oibríocht. Sa chás sin, is é an comhpháirtí príobháideach ionaid nó an comhlacht dlí phoiblí a thioctfaidh chun a bheith ina thairbhí ar choinníoll go ndeimhníonn an t-údarás bainistíochta dó féin go gcomhlíonann agus go nglacann an comhpháirtí príobháideach ionaid gach oibleagáid chomhfhreagrach atá ar thairbhí faoin Rialachán seo.

4. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 149 lena leagtar síos rialacha breise maidir le tairbhí a ionadú agus maidir le hathrú ar chúraimí gaolmhara.

5. Maidir le tairbhí a ionadú, ní mheasfar é a bheith ina athrú úinéireachta de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 71(1) más rud é go n-urramaíonn an t-ionadú sin na coinníollacha is infheidhme a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo agus i ngníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun mhír 4 den Airteagal seo.

Airteagal 64

Tacaíocht d'oibríochtaí CPP

1. I gcás oibríochta CPP inar comhlacht dlí phoiblí é an tairbhí, féadfar caiteachas faoi oibríocht CPP ar thabhaigh agus ar íoc an comhpháirtí príobháideach é, de mhaolú ar Airteagal 65(2), a mheas a bheith ina chaiteachas atá tabhaithe agus íoctha ag tairbhí agus féadfar é a áireamh in iarraidh ar íocaíocht chuig an gCoimisiún ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) go bhfuil comhaontú CPP déanta ag an tairbhí le comhpháirtí príobháideach;

(b) gur fhíoraigh an t-údarás bainistíochta gur íoc an comhpháirtí príobháideach an caiteachas a dhearbhaigh an tairbhí agus go gcomhlíonann an oibríocht an dlí Aontais agus náisiúnta is infheidhme, an clár agus na coinníollacha le haghaidh tacaíochta don oibríocht.

2. Maidir le híocaíochtaí do thairbhíthe i ndáil le caiteachas áirítear in iarraidh ar íocaíocht i gcomhréir le mír 1, déanfar é a íoc isteach i gcuntas eascró arna chur ar bun chun na críocha sin in ainm an tairbhí.

3. Déanfar na cistí a íoctar isteach sa chuntas eascró dá dtagraítear i mír 2 a úsáid mar íocaíochtaí i gcomhréir leis an gcomhaontú CPP, lena n-áirítear aon íocaíocht atá le déanamh i gcás go bhfoirceanntar an comhaontú CPP.

4. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 149 lena leagtar síos na híosccheanglais atá le háireamh i gcomhaontuithe CPP agus a bhfuil gá leo chun an maolú a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear forálacha a bhaineann le comhaontú CPP a fhoirceannadh agus chun rian iniúchóireachta leormhaith a áirithiú.

CAIBIDIL III

Incháilitheacht caiteachais agus marthanacht

Airteagal 65

Incháilitheacht

1. Déanfar incháilitheacht caiteachais a chinneadh ar bhonn rialacha náisiúnta, ach amháin sa chás ina bhfuil rialacha sonracha leagtha síos sa Rialachán seo nó sna rialacha Ciste-shonracha, nó ar bhonn an Rialacháin seo nó na rialacha sin.

2. Beidh caiteachas incháilithe le haghaidh rannchuidithe ó Chistí SIE má dhéanann tairbhí é a thabhu agus go n-íoctar é idir an dáta a gcuirfean an clár faoi bhráid an Choimisiúin nó ón 1 Eanáir 2014, cibé acu is túisce, agus an 31 Nollaig 2023. Sa bhreis air sin, ní bheidh caiteachas incháilithe le haghaidh rannchuidithe ó CETFT ach amháin sa chás ina bhfuil an chabhair ábhartha íoctha go hiarbhir ag an ngníomhaireacht íocaíochta idir an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2023.

3. De mhaolú ar mhír 2, beidh caiteachas faoi TFAO incháilithe ón 1 Meán Fómhair 2013.

4. I gcás costas arna n-aisíoc de bhun phointe (b) agus phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 67(1), déanfar na gníomhaíochtaí atá mar bhonn le haisíocaíocht a chur i gcrích idir an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2022.

5. De mhaolú ar mhír 4, is é an 1 Meán Fómhair 2013 an dáta tosaigh maidir le costais aisíochta ar bhonn (b) agus (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 67(1) do ghníomhartha faoi TFAO.

6. Ní roghnófar oibríochtaí le haghaidh tacaíochta ó Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa i gcás ina ndearnadh iad a lánchríochnú go fisiceach nó a chur chun feidhme go hiomlán sular thíolaic an tairbhí an t-iaratas ar chistiú faoin gclár don údarás bainistíochta, is cuma má rinne an tairbhí na híocaíochtaí gaolmhara go léir nó nach ndearna.

7. Beidh an tAirteagal seo gan dochar do na rialacha maidir le hincháilitheacht cúnaimh theicniúil, ar thionscnamh an Choimisiúin, a leagtar amach in Airteagal 58.

8. Beidh feidhm ag an mír seo maidir le hoibríochtaí a ghineann glanioncam le linn a gcur chun feidhme agus nach bhfuil feidhm ag mír 1 go mír 6 d'Airteagal 61 maidir leo.

Déanfar caiteachas incháilithe ón oibríocht atá le cómhaoiniú ó Chistí SIE a laghdú faoi réir an ghlanioncainm nár cuireadh san áireamh tráth formheasta na hoibríochta agus nach ngintear go díreach ach amháin le linn tréimhse a cur chun feidhme, tráth nach déanaí ná nuair a dhéantar an t-éileamh íocaíochta deiridh arna thíolacadh ag an tairbhí. I gcás nach bhfuil na costais uile incháilithe do cómhaoiniú, leithdháilfear an glanioncam ar bhonn pro rata do chodanna incháilithe agus neamh-incháilithe an chostais.

Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) cúnamh teicniúil;
- (b) ionstraimí airgeadais;
- (c) cúnamh in-aisíochta faoi réir oibleagáide maidir le haisíocht iomlán;
- (d) duaiseanna;
- (e) oibríochtaí atá faoi réir rialacha maidir le Státchabhair;
- (f) oibríochtaí a bhfuil a dtacaíocht phoiblí i bhfoirm cnapshuimeanna nó i bhfoirm aonaid scála caighdeánaithe i ndáil le costais ar choinníoll go ndearnadh an glanioncam a chur san áireamh ar bhonn ex ante;
- (g) oibríochtaí a chuirtear chun feidhme faoi chomhphlean gníomhaíochta ar choinníoll go ndearnadh an glanioncam a chur san áireamh ar bhonn ex ante;
- (h) oibríochtaí dá ndéantar méideanna nó rátaí tacaíochta a shainiú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán CETFT; nó
- (i) oibríochtaí nach bhfuil an costas incháilithe iomlán ina leith níos mó ná EUR 50 000.

Chun críocha an Airteagail seo agus Airteagal 61, aon íocaíocht a fhaigheann an tairbhí mar gheall ar fhionóis chonartha mar thoradh ar shárú conartha idir an tairbhí agus tríú páirtí nó tríú páirtithe nó a tabhaíodh mar thoradh ar aistarraingt tairisceana ag tríú páirtí a roghnaíodh faoi rialacha soláthair phoiblí (an 'taisce'), ní dhéanfar í a mheas mar ioncam agus ní dhéanfar í a asbhaint ó chaiteachas incháilithe na hoibríochta.

9. Caiteachas a thagann chun bheith incháilithe mar thoradh ar leasú ar chlár, ní bheidh sé incháilithe ach amháin ón dáta a ndéantar an iarraidh maidir le leasú a chur faoi bhráid an Choimisiúin nó, i gcás chur i bhfeidhm Airteagal 96(11), ón dáta a dtagann an cinneadh lena leasaítear an clár i bhfeidhm.

Féadfar maolú a dhéanamh ón gcéad fhómhír i gcás na rialacha Ciste-shonracha le haghaidh CEMI.

10. De mhaolú ar mhír 9, féadfar forálacha sonracha maidir le túsdata na hincháilitheachta a bhunú i Rialachán CETFT.

11. Féadfaidh oibríocht tacaíocht a fháil ó cheann amháin nó níos mó de Chistí SIE nó ó chlár amháin nó níos mó agus ó ionstraimí eile de chuid an Aontais, ar choinníoll nach bhfaightear tacaíocht ó Chiste eile nó ó ionstraim eile de chuid an Aontais i leith na hítimhe caiteachais arna áireamh in iarraidh ar íocaíocht maidir le haisíocaíocht ó cheann de Chistí SIE, ná nach bhfaightear tacaíocht ón gCiste céanna faoi chlár eile ina leith.

Airteagal 66

Foirmeacha tacaíochta

Bainfear úsáid as Cistí SIE chun tacaíocht a sholáthar i bhfoirm deontas, duaiseanna, cúnamh in-aisíochta agus ionstraimí airgeadais, nó teaghlaim díobh sin.

I gcás cúnamh in-aisíochta, déanfar an tacaíocht arna haisíoc leis an gcomhlacht a thug í, nó le húdarás inniúil eile de chuid an Bhallstáit, a choinneáil i gcuntas ar leithligh nó a scagadh amach faoi chóid chuntasaíochta agus athúsáidfear í chun na críche céanna nó i gcomhréir le cuspóirí an chláir.

Airteagal 67

Foirmeacha deontas agus cúnamh in-aisíochta

1. Féadfaidh deontas agus cúnamh in-aisíochta a bheith in aon cheann de na foirmeacha seo a leanas:

- (a) aisíoc na gcostas incháilithe arna dtabhtú go hiarbhír agus arna n-íoc, mar aon le ranníocaíochtaí comhchineáil agus dímhéas, i gcás inarb infheidhme;
- (b) scálaí caighdeánacha costas aonaid;
- (c) cnapshuimeanna nach mó ná EUR 100 000 den ranníocaíocht phoiblí;
- (d) maoiniú ar ráta comhréidh, arna chinneadh trí chéatadán a chur i bhfeidhm maidir le catagóir sainithe costas amháin nó níos mó.

Féadfaidh rialacha Ciste-shonracha teorainn a chur ar fhoirmeacha na ndeontas nó an chúnamh in-aisíochta is infheidhme maidir le hoibríochtaí áirithe

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfar foirmeacha breise deontas agus modhanna breise ríofa a bhunú i Rialachán CEMI.

3. Ní fhéadfar na roghanna dá dtagraítear i mír 1 a chomhcheangal ach amháin i gcás ina gcuimhdeáíonn gach rogha catagóir dhifriúil costas nó i gcás ina n-úsáidtear iad le haghaidh tionscadal éagsúil atá ina gcuid d'oibríocht nó le haghaidh céimeanna leantacha oibríochta.

4. I gcás ina gcuirtear oibríocht nó tionscadal atá ina chuid d'oibríocht chun feidhme go huile agus go hiomlán trí sholáthar poiblí oibreacha, earraí nó seirbhísí, is é pointe (a) den chéad fhomhír de mhír 1 amháin a mbeidh feidhm aige. I gcás ina bhfuil an soláthar laistigh d'oibríocht nó laistigh de thionscadal atá ina chuid d'oibríocht teoranta do chatagóirí áirithe costas, féadfar na roghanna go léir dá dtagraítear i mír 1 a chur i bhfeidhm.

5. Bunófar na méideanna dá dtagraítear i bpointí (b), (c) agus (d) den chéad fhomhír de mhír 1 ar cheann de na bealaí seo a leanas:

(a) modh ríofa atá cóir, cothromasach agus infhíoraithe bunaithe orthu seo a leanas:

(i) sonraí staidrimh nó faisnéis oibiachtúil eile;

(ii) sonraí stairiúla fíoraithe faoi thairbhíthe aonair; nó

(iii) gnáthchleachtais chuntasaíochta costála na dtairbhíthe aonair a chur i bhfeidhm;

(b) i gcomhréir leis na rialacha um chur i bhfeidhm na scálaí comhfhreagracha costas aonaid, cnapshuimeanna agus rátaí comhréidh is infheidhme i mbeartais an Aontais le haghaidh oibríochta agus tairbhí den chineál céanna;

(c) i gcomhréir leis na rialacha um chur i bhfeidhm na scálaí comhfhreagracha costas aonaid, cnapshuimeanna agus rátaí comhréidh arna gcur i bhfeidhm faoi scéimeanna maidir le deontais arna gcistiú go hiomlán ag an mBallstát le haghaidh oibríochta agus tairbhí den chineál céanna;

(d) rátaí arna mbunú leis an Rialachán seo nó leis na rialacha Ciste-shonracha.

(e) modhanna sonracha chun méideanna a chinneadh arna mbunú i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha.

6. Leagfar amach an modh a chuirfeadh i bhfeidhm chun costais na hoibríochta agus coinníollacha íocaíochta an deontais a chinneadh sa doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta maidir le gach oibríocht ar leith.

Airteagal 68

Maoiniú ar ráta comhréidh le haghaidh costas indíreach agus costas foirne a bhaineann le deontais agus cúnamh in-aisíochta

1. I gcás ina n-eascraíonn costais indíreacha as cur chun feidhme oibríochta, féadfar iad a ríomh ag ráta comhréidh ar cheann de na bealaí seo a leanas:

(a) ráta comhréidh suas le 25 % de na costais dhíreacha incháilithe, ar choinníoll go ndéantar an ráta a ríomh ar bhonn modha ríofa atá cóir, cothromasach agus infhíoraithe nó ar bhonn modha arna chur i bhfeidhm faoi scéimeanna i gcomhair deontas arna gcistiú go hiomlán ag an mBallstát le haghaidh oibríochta agus tairbhí den chineál céanna;

(b) ráta comhréidh de suas le 15 % de na costais foirne dhíreacha incháilithe gan ceanglas a bheith ar an mBallstát ríomh ar bith a dhéanamh chun an ráta is infheidhme a chinneadh;

(c) ráta comhréidh a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na costais dhíreacha incháilithe bunaithe ar mhodhanna reatha agus ar rátaí comhfhreagracha, agus is infheidhme i mbeartais de chuid an Aontais le haghaidh oibríochta agus tairbhí den chineál céanna.

Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmiligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 149 maidir le sainiú an ráta chomhréidh agus na modhanna gaolmhara dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír den mhír seo.

2. Chun críocha na costais foirne a bhaineann le cur i bhfeidhm oibríochta a chinneadh, féadfar an ráta de réir na huair is infheidhme a ríomh trí na hollchostais fostaíochta dhoiciméadaithe is déanaí a roinnt ar 1 720 uair an chloig.

Airteagal 69

Rialacha sonracha incháilitheachta maidir le deontais agus cúnamh in-aisíochta

1. Maidir le ranníocaíochtaí comhchineáil i bhfoirm oibreacha, earraí, seirbhísí, talamh agus eastát réadach a sholáthar nach ndearnadh ina leith aon íocaíocht airgid arna thacú le sonraisc, nó doiciméid le luach coibhéiseach cruthúnais, féadfaidh siad a bheith incháilithe ar choinníoll go bhforáiltear amhlaidh i rialacha incháilitheachta de chuid Chistí SIE agus sna cláir agus go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) ní bheidh an tacaíocht phoiblí arna híoc leis an oibríocht, lena n-áirítear ranníocaíochtaí comhchineáil, níos airde ná an caiteachas incháilithe iomlán, gan ranníocaíochtaí comhchineáil san áireamh, ag deireadh na hoibríochta;

(b) níl an luach atá inchurtha i leith na ranníocaíochtaí comhchineáil níos airde ná na costais a bhfuil glacadh go ginearálta leo ar an margadh i dtrácht;

(c) is féidir luach agus seachadadh na ranníocaíochta a mheas agus a fhíorú go neamhspleách;

(d) i gcás talamh nó eastát réadach a sholáthar, féadfar íocaíocht airgid a dhéanamh chun críocha comhaontaithe léasa de mhéid ainmniúil in aghaidh na bliana nach mó ná aonad aonair airgeadra an Bhallstáit.

(e) i gcás ranníocaíochtaí comhchineáil i bhfoirm oibre gan íocaíocht, déanfar luach na hoibre sin a chinneadh tríd an t-am fíoraithe atá caite ar an obair agus ráta an luacha saothair le haghaidh oibre coibhéisí a chur san áireamh.

Déanfaidh saineolaí cáilithe neamhspleách nó comhlacht oifigiúil cuí-údaraithe luach na talún nó an eastáit réadaigh dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a dheimhniú agus ní bheidh an luach sin níos airde ná an teorainn a leagtar síos i bpointe (b) de mhír 3

2. Féadfar a mheas go bhfuil costais dímheasa incháilithe i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) tá sé ceadaithe faoi rialacha incháilitheachta an chláir;
- (b) tá méid an chaiteachais cuí-réasúnaithe trí dhoiciméid tacaíochta a bhfuil luach cruthúnais atá coibhéiseach le sonraisc le haghaidh costas incháilithe acu i gcás ina ndéantar aisíocaíocht san fhoirm dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 67(1);
- (c) baineann na costais go huile agus go hiomlán leis an tréimhse tacaíochta don oibríocht;
- (d) níor rannchuidigh deontais phoiblí leis na sócmhainní dímheasta a fháil mar éadál.

3. Ní bheidh na costais seo a leanas incháilithe le haghaidh ranníocaíochta ó Chistí SIE agus ón méid tacaíochta arna aistriú ón gCiste Comhtháthaithe chuig SCE mar a thagraítear in Airteagal 92(6):

- (a) ús ar fhiachas, ach amháin maidir le deontais a thugtar i bhfoirm fóirdheontais ráta úis nó i bhfoirm fóirdheontais táille ráthaíochta;
- (b) ceannach talún nár tógadh air agus ceannach talún ar tógadh air ar mhéid is mó ná 10 % den chaiteachas incháilithe iomlán ar an oibríocht lena mbaineann. Maidir le láithreáin thréigthe agus le láithreáin a bhíodh tráth in úsáid thionsclaíoch a bhfuil foirgnimh orthu, méadófar an teorainn sin go dtí 15 %. I gcásanna eisceachtúla agus cuí-réasúnaithe, féadfar an teorainn a ardú os cionn na gcéatadán réamhluaithe faoi seach le haghaidh oibríochtaí a bhaineann le caomhnú an chomhshaoil.
- (c) cáin bhreisluacha, ach amháin i gcás nach bhfuil sé inghnóthaithe faoi reachtaíocht náisiúnta CBL.

Airteagal 70

Incháilitheacht oibríochtaí atá ag brath ar shuíomh

1. Beidh oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó Chistí SIE, faoi réir na maoluithe dá dtagraítear i mír 2 agus mír 3 agus sna rialacha Ciste-shonracha, lonnaithe i limistéar an chláir.

2. Féadfaidh an t-údarás bainistíochta glacadh leis go bhfuil oibríocht á cur chun feidhme lasmuigh de limistéar an chláir ach laistigh den Aontas, ar choinníoll go gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

- (a) is chun leasa limistéar an chláir atá an oibríocht;
- (b) níl an méid iomlán arna leithdháileadh faoin gclár le haghaidh oibríochtaí atá lonnaithe lasmuigh de limistéar an chláir níos mó ná 15 % den tacaíocht ó CFRE, ón gCiste Comhtháthaithe agus ó CEMI ar leibhéal na tosaíochta, ná níos mó ná 5 % den tacaíocht ó CETFT ar leibhéal an chláir;
- (c) aontaíonn an coiste faireacháin leis an oibríocht nó leis na cineálacha oibríochtaí lena mbaineann;

(d) tá oibleagáidí na n-údarás i dtaobh an chláir maidir le hobair bhainistíochta, rialaithe agus iniúchóireachta a bhaineann leis an oibríocht comhlíonta ag na húdarás atá freagrach as an gclár faoina dtugtar tacaíocht don oibríocht sin nó déanann siad comhaontuithe le húdarás sa limistéar ina bhfuil an oibríocht á cur chun feidhme.

3. I gcás oibríochtaí a bhaineann le cúnaimh teicniúil nó le gníomhaíochtaí tionscnaimh, féadfar caiteachas a thabhtú lasmuigh den Aontas ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a) de mhír 2 agus na hoibleagáidí maidir le bainistíú, rialú agus iniúchóireacht a bhaineann leis an oibríocht.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 1 go mír 3 maidir le clár faoi sprioc an chomhair chríocheaigh Eorpaigh agus ní bheidh feidhm ag mír 2 ná ag mír 3 maidir le hoibríochtaí lena dtacaíonn CSE.

Airteagal 71

Marthanacht oibríochtaí

1. Déanfaidh oibríocht atá comhdhéanta d'infheistíocht bonneagair nó infheistíocht tháirgiúil an ranníocaíochta ó Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa a aisíoc más rud é, laistigh de chúig bliana ón íocaíocht dheiridh leis an tairbhí nó laistigh de thréimhse arna leagan amach sna rialacha maidir le státchabhair, i gcás inarb infheidhme, go bhfuil sé faoi réir aon cheann den méid seo a leanas:

- (a) scor nó athlonnú gníomhaíochta táirgiúla lasmuigh de limistéar an chláir;
- (b) athrú ar úinéireacht ítime bonneagair a thugann buntáiste míchuí do ghnóthas nó do chomhlacht poiblí;
- (c) athrú substaintiúil a dhéanann difear dá cineál, dá cuspóirí nó dá coinníollacha cur chun feidhme lena mbainfí an bonn dá cuspóirí bunaidh dá bharr.

Déanfaidh an Ballstát méideanna a íocadh go míchuí i leith na hoibríochta a ghnóthú ar bhonn atá cionmhar leis an tréimhse nach bhfuil na ceanglais comhlíonta ina leith.

Féadfaidh Ballstáit na teorainneacha ama a leagtar amach sa chéad fhomhír a laghdú go dtí trí bliana i gcásanna a bhaineann le cothabháil infheistíochtaí nó post atá cruthaithe ag frontair bheaga agus mheánmheide.

2. Déanfaidh oibríocht atá comhdhéanta d'infheistíocht bonneagair nó d'infheistíocht tháirgiúil an ranníocaíochta ó Chistí SIE a aisíoc más rud é, laistigh de 10 mbliana ón íocaíocht deiridh leis an tairbhí, go bhfuil an gníomhaíocht táirgeachta faoi réir a athlonnaithe lasmuigh den Aontas, ach amháin más FBM é an tairbhí. Nuair is i bhfoirm Státchabhrach atá an ranníocaíocht ó Chistí SIE, déanfar an sprioc-am is infheidhme faoi na rialacha maidir le Státchabhair a chur in ionad na tréimhse 10 mbliana.

3. Maidir le hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CSE agus oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó na cinn eile de Chistí SIE nach infheistíochtaí bonneagair ná infheistíochtaí táirgiúla iad, ní aisíocfaidh siad an ranníocaíocht ón gCiste ach amháin i gcás ina bhfuil siad faoi réir oibleagáide chun infheistíocht a chothabháil faoi na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair agus i gcás ina ndéantar gníomhaíocht tháirgiúil a scor nó a athlonnú laistigh den tréimhse atá leagtha síos sna rialacha sin.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 1, mír 2 agus mír 3 maidir le ranníocaíochtaí le hionstraimí airgeadais nó uathu nó maidir le hoibríocht ar bith ina ndéantar gníomhaíocht tháirgiúil a scor de bharr féimheachta neamhchalaioisí.

5. Ní bheidh feidhm ag mír 1, mír 2 agus mír 3 maidir le daoine nádúrtha ar tairbhíthe de thacaíocht infheistíochta iad agus, tar éis an oibríocht infheistíochta a lánchríochnú, go mbeidh siad incháilithe do thacaíocht, agus go bhfaighidh siad tacaíocht, faoi Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i gcás ina bhfuil an infheistíocht lena mbaineann nasctha go díreach leis an gcineál gníomhaíochta a sainaitníodh mar ghníomhaíocht atá incháilithe do thacaíocht ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú.

TEIDEAL VIII

BAINISTÍOCHT AGUS RIALÚ

CAIBIDIL I

Córais bhainistíochta agus rialaithe

Airteagal 72

Prionsabail ghinearálta maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe

Le córais bhainistíochta agus rialaithe, forálfar don méid seo a leanas, i gcomhréir le hAirteagal 4(8):

- tuairisc ar fheidhmeanna gach comhlachta a bhfuil baint aige le bainistíocht agus le rialú, agus ar leithdháileadh feidhmeanna laistigh de gach comhlacht;
- comhlíonadh phrionsabal na deighilte feidhmeanna idir comhlachtaí den sórt sin nó laistigh díobh;
- nósanna imeachta chun cruinneas agus rialacht an chaiteachais a dhéanfaítear a áirithiú;
- córais ríomhairithe maidir le cuntasáíocht, maidir le stóráil agus tarchur sonraí airgeadais agus sonraí ar tháscairí, maidir le faireachán agus maidir le tuairisciú;
- córais maidir le tuairisciú agus faireachán i gcás ina gcuireann an comhlacht atá freagrach feidhmiú cúraimí ar iontaoibh comhlachta eile;
- socruithe maidir le feidhmiú na gcóras bainistíochta agus rialaithe a iniúchadh;
- córais agus nósanna imeachta chun raon iniúcháireachta leormhaith a áirithiú;

- neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a cheartú, lena n-áirítear calaiois, agus méideanna a íocadh go míchuí a ghnóthú, mar aon le hús ar bith ar íocaíochtaí déanacha.

Airteagal 73

Freagrachtaí faoin gcomhbhainistíú

I gcomhréir le prionsabal an chomhbhainistithe, beidh na Ballstáit agus an Coimisiún freagrach as cláir a bhainistiú agus a rialú i gcomhréir leis na freagrachtaí faoi seach atá acu arna leagan síos sa Rialachán seo agus sna rialacha Ciste-shonracha.

Airteagal 74

Freagrachtaí na mBallstát

1. Comhlíonfaidh na Ballstáit na hoibleagáidí bainistíochta, rialaithe agus iniúcháireachta atá leagtha síos sna rialacha maidir le comhbhainistíocht a leagtar amach sa Rialachán Airgeadais agus sna rialacha Ciste-shonracha agus glacfaidh siad ar láimh na freagrachtaí a leanann uathu.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar a gcórais bhainistíochta agus rialaithe le haghaidh na gclár a chur ar bun i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha agus go bhfeidhmeoidh na córais sin go héifeachtach.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil socruithe éifeachtacha ann chun gearáin i leith Chistí SIE a scrúdú. Beidh an raon feidhme, na rialacha agus na nósanna imeachta a bhaineann leis na socruithe sin mar fhreagracht ar na Ballstáit i gcomhréir lena gcreat institiúideach agus dlíthiúil. Arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, scrúdóidh na Ballstáit gearáin a thíolactar chuig an gCoimisiún agus a thagann faoi raon feidhme a gcuid socruithe. Cuirfidh na Ballstáit torthaí na scrúduithe sin in iúl don Choimisiún arna iarraidh sin orthu.

4. Cuirfear gach malartú oifigiúil faisnéise idir an Ballstát agus an Coimisiún i gcrích trí úsáid a bhaint as córas malartaithe leictreonaigh sonraí. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear na téarmaí agus na coinníollacha a gcomhlíonfaidh an córas malartaithe leictreonaigh sonraí sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 150(3).

CAIBIDIL II

Cumhachtaí agus freagrachtaí an Choimisiúin

Airteagal 75

Cumhachtaí agus freagrachtaí an Choimisiúin

1. Deimhneoidh an Coimisiún dó féin, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear faisnéis maidir le hainmniú na gcomhlachtaí a bheidh freagrach as bainistiú agus rialú, na doiciméid arna soláthar gach bliain, i gcomhréir le hAirteagal 59(5) den Rialachán Airgeadais, ag na comhlachtaí ainmnithe sin, tuarascálacha ar rialú, tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme agus iniúchtaí arna ndéanamh ag comhlachtaí náisiúnta agus ag comhlachtaí Aontais, go bhfuil córais bhainistíochta agus rialaithe curtha ar bun ag na Ballstáit a chomhlíonann an Rialachán seo agus na rialacha Ciste-shonracha agus go bhfeidhmíonn na córais sin go héifeachtach le linn na cláir a chur chun feidhme.

2. Féadfaidh oifigigh an Choimisiúin nó ionadaithe údaraithe ón gCoimisiún iniúchóireachtaí nó seiceálacha ar an láthair a dhéanamh faoi réir iad do thabhairt fógra 12 lá oibre ar a laghad don údarás inniúil náisiúnta, ach amháin i gcásanna práinneacha. Urramóidh an Coimisiún prionsabal na comhréireachta nuair a chuirfidh sé san áireamh an gá atá ann go seachnófar dúbailt nach bhfuil údar maith léi maidir le hiniúchóireachtaí agus seiceálacha a dhéantar sna Ballstáit, mar aon leis an leibhéal riosca do bhuiséad an Aontais agus an gá atá ann an t-ualach riaracháin ar thairbhíthe a laghdú i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha. Féadfar, go háirithe, fóirú ar fheidhmiú éifeachtach na gcóras bainistíochta agus rialaithe i gclár nó i gcuid de chlár, in oibríochtaí agus measúnú ar bhainistíocht fhóna airgeadais na n-oibríochtaí nó na gclár a bheith faoi raon feidhme na n-iniúchtaí nó na seiceálacha sin. Féadfaidh oifigigh nó ionadaithe údaraithe an Bhallstáit páirt a ghlacadh sna hiniúchóireachtaí nó sna seiceálacha sin.

Oifigigh an Choimisiúin nó ionadaithe údaraithe an Choimisiúin, atá cumhachtaithe go cuí chun iniúchtaí nó seiceálacha ar an láthair a dhéanamh, beidh rochtain acu ar na taifid, doiciméid agus meiteashonraí uile is gá, is cuma cén meán ina stóráiltear iad, a bhaineann le hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó Chistí SIE nó leis na córais bhainistíochta agus rialaithe. Soláthróidh na Ballstáit cóipeanna de na taifid, doiciméid agus meiteashonraí sin don Choimisiún arna iarraidh sin orthu.

Ní dhéanfaidh na cumhachtaí a leagtar amach san mhír seo difear do chur i bhfeidhm forálacha náisiúnta lena bhforchoimeádtar gníomhartha áirithe do ghníomhaithe arna n-ainmniú go sonrach sa reachtaíocht náisiúnta. Ní ghlacfaidh oifigigh an Choimisiúin agus ionadaithe údaraithe thar ceann an Choimisiúin páirt, inter alia, i gcuairteanna baile ná i gceistiú foirmiúil daoine faoi chuimsiú na reachtaíochta náisiúnta. Beidh rochtain ag oifigigh agus ionadaithe den sórt sin, áfach, ar an bhfaisnéis a fhaightear ar an tslí sin gan dochar d'inniúlachtaí na gcúirteanna náisiúnta agus le lán-urramú chearta bunúsacha na ndaoine dlítheanacha lena mbaineann.

3. Féadfaidh an Coimisiún a cheangal ar Bhallstát na bearta is gá a dhéanamh chun feidhmiú éifeachtach na gcóras bainistíochta agus rialaithe a áirithiú nó chun cruinneas an chaiteachais a fhíorú i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha.

TEIDEAL IX

BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS, CUNTAIS A SCRÚDÚ AGUS A GHLACADH AGUS CEARTUITHE AIRGEADAIS, SAORADH

CAIBIDIL I

Bainistíocht airgeadais

Airteagal 76

Gealltanais bhuiséadacha

Is i dtráthchodanna bliantúla le haghaidh gach Ciste le linn na tréimhse idir an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2020 a dhéanfar gealltanais bhuiséadacha an Aontais maidir le gach clár. Déanfar na ceangaltais bhuiséadacha a bhaineann leis an gcúlchiste feidhmíochta i ngach clár ar leithligh ón leithdháileadh a bheidh fágtha ón gclár.

Is éard a bheidh sa chinneadh ón gCoimisiún lena nglactar clár cinneadh maoinithe de réir bhrí Airteagal 84 den Rialachán Airgeadais agus a luaithe a thabharfar fógra ina leith don Bhallstát lena mbaineann, ceangaltas dlíthiúil de réir bhrí an Rialacháin sin.

I gcás gach cláir ar leith, déanfar na gealltanais bhuiséadacha don chéad tráthchuid tar éis an clár a bheith glactha ag an gCoimisiún.

I gcás na ngealltanais buiséadach do thráthchodanna ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún iad roimh an 1 Bealtaine de gach bliain, ar bhonn an chinnidh dá dtagraítear sa dara fómhír agus sa tríú fómhír den Airteagal seo, ach amháin i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 13 den Rialachán Airgeadais.

I ndiaidh chur i bhfeidhm an chreata feidhmíochta i gcomhréir le hAirteagal 22, i gcás nach mbeidh garspriocanna a dtosaíochtaí bainte amach, saoróidh an Coimisiún na leithreasuithe comhfhreagracha, más gá, chuig na cláir lena mbaineann mar chuid den chúlchiste feidhmíochta agus cuirfidh sé ar fáil arís iad le haghaidh na gclár a mbeidh méadú tagtha ar an leithdháileadh ina leith mar thoradh ar leasú a d'fhormheas an Coimisiún i gcomhréir leis an gceathrú fómhír d'Airteagal 22(5).

Airteagal 77

Comhrialacha maidir le híocaíochtaí

1. Maidir leis na híocaíochtaí a dhéanfaidh an Coimisiún leis an ranníocaíocht ó Chistí SIE le gach clár, déanfar iad i gcomhréir le leithreasuithe buiséid agus faoi réir an chistithe atá ar fáil. Breacfar gach íocaíocht sa ghealltanais buiséadach is tuisce a bheidh oscailte den Chiste lena mbaineann.

2. Ní dhéanfar íocaíochtaí a bhaineann le ceangaltais an chúlchiste feidhmíochta roimh leithdháileadh críochnaitheach an chúlchiste feidhmíochta, i gcomhréir le hAirteagal 22(3) agus (4).

3. Déanfar na híocaíochtaí i bhfoirm íocaíochtaí réamh-mhaoinithe, íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíocht an iarmhéid deiridh.

4. I gcás na bhfoirmeacha tacaíochta faoi phointe (b), faoi phointe (c) agus faoi phointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 67(1) agus faoi Airteagal 68 agus faoi Airteagal 69, measfar gur caiteachas incháilithe iad costais a ríomhtar ar an mbonn is infheidhme.

Airteagal 78

Comhrialacha maidir le híocaíochtaí eatramhacha a ríomh, agus an iarmhéid deiridh a íoc

Déanfar na rialacha maidir le ríomh an mhéid a aisíoctar mar íocaíochtaí eatramhacha agus maidir le ríomh an iarmhéid deiridh a leagan síos sna rialacha Ciste-shonracha. Is feidhm den ráta cómhaoinithe sonrach atá infheidhme maidir leis an gcaiteachas incháilithe a bheidh sa mhéid sin.

Airteagal 79

Iarrataí ar íocaíocht

1. Déanfar an nós imeachta sonrach agus an fhaisnéis is gá a thíolacadh maidir le hiarrataí ar íocaíocht maidir le gach Ciste SIE a leagan síos sna rialacha Ciste-shonracha.

2. Soláthrófar san iarraidh ar íocaíocht a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin an fhaisnéis uile is gá le go bhféadfaidh an Coimisiún cuntais a thabhairt ar aird i gcomhréir le hAirteagal 68(3) den Rialachán Airgeadais.

Airteagal 80

Úsáid an euro

Is in euro a shloinnfear na méideanna atá leagtha amach i gclár arna dtíolacadh ag Ballstáit, i réamh-mheastacháin ar chaiteachas, i ráitis chaiteachais, in iarrataí ar íocaíocht, i gcuntais agus sa chaiteachas atá luaite sna tuarascálacha bliantúla agus deiridh ar chur chun feidhme.

Airteagal 81

Réamh-mhaoiniú tosaigh a íoc

1. I ndiaidh an chinnidh ón gCoimisiún lena nglactar an clár, íocfaidh an Coimisiún méid réamh-mhaoinithe tosaigh le haghaidh na clárthréimhse ina hiomláine. Déanfar an méid réamh-mhaoinithe tosaigh a íoc i dtráthchodanna i gcomhréir le riachtanais bhuiséadacha. Déanfar leibhéal na dtráthchodanna a shainiú sna rialacha Ciste-shonracha.

2. Ní úsáidfear réamh-mhaoiniú tosaigh ach i gcomhair íocaíochtaí a dhéantar le tairbhíthe i gcur chun feidhme an chlár. Déanfar é a chur ar fáil gan mhoill don chomhlacht atá freagrach chun na críche sin.

Airteagal 82

Réamh-mhaoiniú tosaigh a imréiteach

Déanfar an méid arna íoc mar réamh-mhaoiniú tosaigh a imréiteach go hiomlán ó chuntais an Choimisiúin tráth nach déanaí ná an tráth a dhúntar an clár.

Airteagal 83

An spriocdháta le haghaidh íocaíochta a bhriseadh

1. Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean, de réir bhrí an Rialacháin Airgeadais, an spriocdháta le haghaidh íocaíochta maidir le héileamh ar íocaíocht eatramhach a bhriseadh ar feadh tréimhse uasta de shé mhí más rud é:

- (a) go bhfuil fianaise shoiléir ann, i ndiaidh faisnéis a bheith curtha ar fáil ag comhlacht iniúchóireachta náisiúnta nó comhlacht iniúchóireachta de chuid an Aontais, a thugann le fios go bhfuil easnamh suntasach i bhfeidhmiú an chórais bhainistíochta agus rialaithe;
- (b) go bhfuil ar an oifigeach údarúcháin trí tharmligean tabhairt faoi fhíoruithe breise i ndiaidh faisnéis a bheith tugtha ar aird an oifigigh sin á chur in iúl dó go mbaineann neamhrialtacht ba chúis le hiarmhairtí airgeadais tromchúiseacha le hiarraidh ar íocaíocht;
- (c) go mainnítear ceann de na doiciméid a éilítear faoi Airteagal 59(5) den Rialachán Airgeadais a thíolacadh.

Féadfaidh an Ballstát a chomhaontú go ndéanfar an tréimhse briste a fhadú go ceann thrí mhí eile.

Sna rialacha Ciste-shonracha le haghaidh CEMI, féadfar bunúis shonracha a leagan síos maidir le híocaíochtaí a bhriseadh, a bheidh nasctha le neamhchomhlíonadh na rialacha is infheidhme faoin gComhbheartas lascaigh, agus a bheidh comhréireach, ag féachaint do chineál, tromaíocht, fad agus atarlú an neamhchomhlíonta.

2. Déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean teorainn a chur leis an mbriseadh a dhéantar ar an gcuid sin den chaiteachas atá cumhdaithe ag an éileamh ar íocaíocht a ndéanann na gnéithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1 difear di, ach amháin mura féidir an chuid sin den chaiteachas lena mbaineann a shainaitheint. Déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean an chúis leis an mbriseadh a chur in iúl láithreach agus i scríbhinn don Bhallstát agus don údarás bainistíochta agus iarrfaidh sé orthu an cás a leigheas. Cuirfidh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean deireadh leis an mbriseadh a luaite a dhéanfar na bearta is gá.

CAIBIDIL II

Cuntais a scrúdú agus a ghlacadh

Airteagal 84

An spriocdháta don Choimisiún na cuntais a scrúdú agus a ghlacadh

Faoin 31 Bealtaine den bhliain i ndiaidh dheireadh na tréimhse cuntasáíochta, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 59(6) den Rialachán Airgeadais, nósanna imeachta a chur i bhfeidhm maidir leis na cuntais a scrúdú agus a ghlacadh agus cuirfidh sé in iúl don Bhallstát i dtaobh cibé acu an nglacann sé leis nó nach nglacann sé leis go bhfuil na cuntais iomlán, beacht agus fíor i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha.

CAIBIDIL III

Ceartuithe airgeadais

Airteagal 85

Ceartuithe airgeadais ag an gCoimisiún

- 1. Déanfaidh an Coimisiún ceartuithe airgeadais trí ranníocaíocht iomlán an Aontais, nó cuid di le clár a chur ar ceal agus aighabháil a fháil ón mBallstát, chun go ndéanfar caiteachas atá ag sárú an dlí is infheidhme a eisiamh ó mhaoiniú an Aontais.
- 2. Maidir le sárú ar an dlí is infheidhme, ní leanfaidh ceartú airgeadais as ach amháin i ndáil le caiteachas a dearbhaíodh leis an gCoimisiún agus i gcás ina gcomhlíontar ceann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) tá tionchar ag an sárú ar roghnú oibríochta ag comhlacht atá freagrach as tacaíocht ó Chistí SIE nó i gcásanna nach féidir, de bharr nádúr an tsáraithe, an tionchar sin a shuíomh ach go bhfuil riosca réasúnaithe ann go raibh éifeacht den sórt sin ag an sárú;
 - (b) tá tionchar ag an sárú ar mhéid an chaiteachais atá dearbhaithe le haisíoc le buiséad an Aontais nó i gcásanna nach bhfuil sé indéanta, de bharr nádúr an tsáraithe, a thionchar airgeadais a mheas ach go bhfuil riosca údaraithe ann go raibh tionchar den sórt sin ag an sárú.

3. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le méid an cheartaithe airgeadais faoi mhír 1, urramóidh an Coimisiún prionsabal na comhréireachta trí chineál agus tromadócht an tsáraithe ar an dlí is infheidhme agus na himpleachtaí airgeadais a bhaineann leis do bhuiséad an Aontais a chur san áireamh. Coinneoidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi chinntí a dhéanfar chun ceartuithe airgeadais a chur i bhfeidhm.

4. Déanfar na critéir agus na nósanna imeachta maidir le ceartuithe airgeadais a chur i bhfeidhm a leagan síos sna rialacha Ciste-shonracha.

CAIBIDIL IV

Saoradh

Airteagal 86

Na prionsabail

1. Cuirfear gach clár faoi réir nós imeachta um shaoradh arna bhunú ar an mbonn go ndéanfar na méideanna atá nasctha le gealltanais nach bhfuil cumhdaithe ag réamh-mhaoiniú ná ag iarraidh ar íocaíocht laistigh de thréimhse shainithe a shaoradh, lena n-áirítear aon iarraidh ar íocaíocht a bhfuil an íocaíocht nó cuid di faoi réir idirbhriste sa spriocdháta le haghaidh íocaíochta nó faoi réir fionraí a dhéanamh ar íocaíochtaí.

2. Déanfar an gealltanais a bhaineann le bliain dheireanach na tréimhse a shaoradh i gcomhréir leis na rialacha a bheidh le comhlíonadh maidir le dúnadh na gclár.

3. Déanfar cur i bhfeidhm beacht riail an tsaortha maidir le gach ceann de Chistí SIE a shonrú sna rialacha Ciste-shonracha.

4. Saorfar an chuid de na gealltanais a bheidh fós oscailte i gcás nach bhfuil ceann de na doiciméid a éilítear don dúnadh curtha faoi bhráid an Choimisiúin faoi na spriocdhátaí a bhunaítear sna rialacha Ciste-shonracha.

5. Is faoi réir an nós imeachta um shaoradh a leagtar amach i mír 4 amháin a bheidh na gealltanais bhuiséadacha i ndáil leis an gcúlchiste feidhmiúcháta.

Airteagal 87

Eisceacht ón saoradh

1. Déanfar an méid a mbaineann an saoradh leis a laghdú na méideanna is ionann agus:

(a) an chuid sin den ghealltanais buiséid dá bhfuil oibríochtaí fionraithe ina leith trí imeachtaí dlíthiúla nó trí achomharc riaracháin a bhfuil éifeacht fhionraitheach aige; nó

(b) an chuid sin den ghealltanais buiséid nach rabhthas in ann iarraidh ar íocaíocht a dhéanamh ina leith ar chúiseanna force majeure a imríonn tionchar tromchúiseach ó thaobh an clár iomlán nó ar chuid den chlár a chur chun feidhme.

Léireoidh na húdaráis náisiúnta a mhaíonn faoi phointe (b) den chéad fhomhír go raibh force majeure ann na hiarmhairtí díreacha a bhí ag an force majeure ar chur chun feidhme an chláir iomláin nó chuid den chlár.

Chun críocha phointe (a) agus phointe (b) den chéad fhomhír, féadfar an laghdú a iarraidh uair amháin, más rud é gur mhair an fhionraíocht nó force majeure nach faide ná bliain amháin, nó níos mó ná uair amháin ag comhfhreagairt d'fhad thréimhse force majeure nó don mhéid blianta idir an dáta a rinneadh an cinneadh dlíthiúil nó riaracháin lenar fionraíodh cur chun feidhme na hoibríochta agus an dáta a rinneadh an cinneadh deireanach dlíthiúil nó riaracháin.

2. Faoin 31 Eanáir, cuirfidh an Ballstát faisnéis chuig an gCoimisiún faoi na heisceachtaí dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) den chéad fhomhír de mhír 1 i dtaobh an mhéid atá le dearbhú faoi dheireadh na bliana roimhe sin.

Airteagal 88

Nós Imeachta

1. Cuirfidh an Coimisiún in iúl don Bhallstát agus don údarás bainistíochta in am trátha gach uair a bhfuil baol ann go gcuirfear riail an tsaortha i bhfeidhm faoi Airteagal 86.

2. Ar bhonn na faisnéise a fuair sé amháin ón 31 Eanáir, cuirfidh an Coimisiún in iúl don Bhallstát agus don údarás bainistíochta méid an tsaortha a thig ón bhfaisnéis sin.

3. Beidh dhá mhí ag an mBallstát an méid a bheidh le saoradh a aontú nó a bharúlacha a thíolacadh.

4. Faoin 30 Meitheamh, tíolacfaidh an Ballstát don Choimisiún plean maoinithe athbhreithnithe ina léireofar don bhliain airgeadais lena mbaineann méid laghdaithe na tacaíochta thar thosaíocht amháin nó níos mó den chlár á chur san áireamh an leithdháileadh de réir Ciste agus de réir catagóra réigiúin, i gcás inarb iomchuí. Mura ndéantar an tíolacadh sin, athbhreithneoidh an Coimisiún an plean maoinithe tríd an ranníocaíocht ó Chistí SIE a laghdú don bhliain airgeadais lena mbaineann. Déanfar an laghdú sin a leithdháileadh ar gach tosaíocht go comhréireach.

5. Déanfaidh an Coimisiún an cinneadh lena ngactar an clár a leasú, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair.

CUID A TRÍ

FORÁLACHA GINEARÁLTA IS INFHEIDHME MAIDIR LE CFRE, LE CSE AGUS LEIS AN gCISTE COMHTHÁTHAITHE

TEIDEAL I

CUSPÓIRÍ AGUS CREAT AIRGEADAIS

CAIBIDIL I

Misean, spriocanna agus cuimsiú geografach na tacaíochta

Airteagal 89

Misean agus spriocanna

1. Rannchuideoidh na Cistí le forbairt agus saothrú ghníomhaíochtaí an Aontais ar mhaithe lena chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú i gcomhréir le hAirteagal 174 CFAE.

Rannchuideoidh na gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó na Cistí freisin le seachadadh straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach.

2. Chun críoch rannchuidiú leis an misean dá dtagraítear i mír 1, saothrófar na spriocanna seo a leanas:

- (a) 'Infheistíocht le haghaidh fáis agus post' i mBallstáit agus i réigiúin, a mbeidh tacaíocht ó na Cistí go léir le fáil aici; agus
- (b) 'comhar críochach Eorpach', a mbeidh tacaíocht ó CFRE le fáil aige.

Airteagal 90

Infheistíocht le haghaidh fáis agus post

1. Tacóidh na Cistí Struchtúracha le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post i ngach réigiún a chomhfhreagraíonn do leibhéal 2 den aicmiú coiteann d'aonaid chríochacha ar mhaithe le staidreamh ('réigiún leibhéal NUTS 2') a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003, arna leasú ag Rialachán Uimh. 105/2007.

2. Déanfar acmhainní maidir le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post a leithdháileadh i measc na dtrí chatagóir seo a leanas de réigiúin leibhéal NUTS 2:

- (a) réigiúin bheagfhorbartha, ag a bhfuil OTI per capita faoi bhun 75 % de mheán-OTI AE-27;
- (b) réigiúin trasdula, ag a bhfuil OTI per capita idir 75 % agus 90 % de mheán-OTI AE-27;
- (c) réigiúin níos forbartha, ag a bhfuil OTI per capita os cionn 90 % de mheán-OTI AE-27.

Déanfar aicmiú na réigiún faoi cheann amháin de na trí chatagóir réigiún a chinneadh bunaithe ar an gcaoi bhaineann OTI per capita gach réigiún, arna thomhas de réir paireachtaí cumhachta ceannaigh (PCC) agus arna ríomh ar bhonn fhigiúirí an Aontais le haghaidh na tréimhse 2007 go 2009, le meán-OTI an AE-27 le haghaidh na tréimhse tagartha céanna.

3. Na Ballstáit sin ar lú a OIN per capita, arna thomhas de réir PCC agus arna ríomh ar bhonn fhigiúirí an Aontais le haghaidh na tréimhse 2008 go 2010, ná 90 % de mheán-OIN per capita an AE-27 le haghaidh na tréimhse tagartha céanna, tacóidh an Ciste Comhtháthaithe leo.

Na Ballstáit atá incháilithe le haghaidh cistithe ón gCiste Comhtháthaithe in 2013, ach ar mó a OIN ainmniúil per capita ná 90 % de mheán-OIN per capita an AE-27 arna ríomh faoin gcéad fhomhír, gheobhaidh siad tacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe ar bhonn trasdula agus sonrath.

4. Díreach i ndiaidh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, glacfaidh an Coimisiún cinneadh, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme, ina leagfar amach liosta de na réigiúin a chomhallann critéir na dtrí chatagóir réigiún dá dtagraítear i mír 2 agus de na Ballstáit a chomhallann critéir mhír 3. Beidh an liosta sin bailí ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020.

5. In 2016, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar incháilitheacht na mBallstát do thacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe ar bhonn fhigiúirí OIN an Aontais i leith an AE-27 sa tréimhse 2012 go 2014. Na Ballstáit sin ar mó a OIN ainmniúil per capita ná 90 % de mheán-OIN per capita an AE-27, tiocfaidh dóibh chun bheith nua-incháilithe do thacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe agus na Ballstáit sin a bhí incháilithe don Chiste Comhtháthaithe agus ar mó a OIN ainmniúil per capita ná 90 %, caillfidh siad a n-incháilitheacht agus gheobhaidh siad tacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe ar bhonn trasdula agus sonrath.

CAIBIDIL II

Creat airgeadais

Airteagal 91

Acmhainní do chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach

1. Is EUR 325 145 694 739 de réir phraghsanna 2011 a bheidh sna hacmhainní le haghaidh comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bheidh ar fáil le haghaidh ceangaltas bhuiséadaigh i leith na tréimhse 2014 - 2020, i gcomhréir leis an miondealú bliantúil a leagtar amach in Iarscríbhinn VI, arb ionann EUR 322 145 694 739 de agus acmhainní foriomlána arna leithdháileadh ar CFRE, ar CSE agus ar an gCiste Comhtháthaithe agus is ionann EUR 3 000 000 000 agus leithdháileadh sonrath do TFAO. Chun críocha cláragraithe agus áirimh ina dhiaidh sin i mbuiséad ginearálta an Aontais, déanfar méid na n-acmhainní do chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a innéacsú de réir 2 % in aghaidh na bliana.

2. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ina leagfar amach an miondealú bliantúil ar acmhainní foriomlána in aghaidh an Bhallstáit faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus sprioc an chomhair críochaigh Eorpaigh, agus miondealú bliantúil na n-acmhainní ón leithdháileadh sonrath don Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg de réir an Bhallstáit, mar aon le liosta na réigiún atá incháilithe, i gcomhréir faoi seach leis na critéir agus leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII agus in Iarscríbhinn VIII faoi seach, gan dochar do mhír 3 den Airteagal seo nó d'Airteagal 92(8).

3. Déanfar 0,35 % de na hacmhainní iomlánaíochta, tar éis an tacaíocht chuig SCE dá dtagraítear in Airteagal 92(6), agus chuig an gcabhair do na daoine is díothaí dá dtagraítear in Airteagal 92(7) a asbhaint, a leithdháileadh ar chúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún.

Airteagal 92

Acmhainní maidir le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh

1. Is é a bheidh sna hacmhainní maidir le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post 96,33 % de na hacmhainní iomlánaíochta (i.e., EUR 313 197 435 409 ar an iomlán) agus leithdháilfear í mar a leanas:

- (a) 52,45 % (i.e., EUR 164 279 015 916 ar an iomlán) le haghaidh réigiún beagfhorbartha;

- (b) 10,24 % (i.e., EUR 32 084 931 311 ar an iomlán) le haghaidh réigiún trasdula;
- (c) 15,67 % (i.e., EUR 49 084 308 755 ar an iomlán) le haghaidh réigiún níos forbartha;
- (d) 21,19 % (i.e., EUR 66 362 384 703 ar an iomlán) le haghaidh Ballstát a fhaigheann tacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe;
- (e) 0,44 % (i.e., EUR 1 386 794 724 ar an iomlán) mar chistiú breise le haghaidh na réigiún is forimeallaí arna sainaitheint in Airteagal 349 CFAE agus réigiúin NUTS leibhéal 2 a chomhallann na critéir atá leagtha síos in Airteagal 2 de Phrótocal Uimh. 6 a ghabhann le hIonstraim Aontachais 1994.

2. Sa bhreis ar na méideanna a leagtar amach in Airteagal 91 agus i mír 1 den Airteagal seo, do na blianta 2014 agus 2015, cuirfear méid breise de EUR 94 200 000 agus de EUR 92 400 000 faoi seach ar fáil mar a leagtar amach in 'Coigeartuithe breise' faoi larscríbhinn VII. Sainaitheofar na méideanna sin sa chinneadh ón gCoimisiún dá dtagraítear in Airteagal 91(2).

3. In 2016, déanfaidh an Coimisiún, ina choigeartú teicniúil don bhliain 2017 i gcomhréir le hAirteagal 4 agus le hAirteagal 5 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013, athbhreithniú ar na leithdháiltí iomlána faoin sprioc 'infheistíocht le haghaidh fáis agus post' de gach Ballstát le haghaidh 2017-2020, agus an modh leithdháilte a leagtar amach i mír go mír 16 d'larscríbhinn VII á chur i bhfeidhm ar bhonn an staidrimh is déanaí atá ar fáil agus ar an gcomparáid do na Ballstáit chaidheáilte idir an OTI náisiúnta carntha a breathnaíodh do na blianta 2014-2015 agus OTI carntha náisiúnta don tréimhse chéanna a measadh in 2012 i gcomhréir le mír 10 d'larscríbhinn VII. Sa chás ina bhfuil éagsúlacht chernach de níos mó ná +/- 5 % idir na leithdháiltí athbhreithnithe agus na leithdháiltí iomlána, déanfar na leithdháiltí iomlána a choigeartú dá réir. I gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013, déanfar coigeartuithe a scaipeadh i gcionmhairreachtaí comhionanna thar na blianta 2017-2020 agus déanfar uasteorainneacha comhfhreagracha an chreata airgeadais a mhodhnú dá réir. Ní rachaidh glanéifeacht na coigeartuithe, bíodh sí dearfach nó diúltach, thar EUR 400 000 000. Tar éis an coigeartú teicniúil a dhéanamh, glacfaidh an Coimisiún cinneadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme ina leagfar amach miondealú bliantúil athbhreithnithe ar na hacmhainní iomlánaíochta do gach Ballstát.

4. Chun a áirithiú go ndéantar infheistíocht leordhóthanach a spriocdhíriú ar fhostaíocht don ógra, ar shoghluaisteacht an lucht saothair, ar eolas, ar uilechuimsitheacht shóisialta agus ar chomhrac na bochtaineachta, ní bheidh an sciar d'acmhainní na gCistí Struchtúracha atá ar fáil le haghaidh cláreagraithe do chlár oibríochtúla faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post arna leithdháileadh chuig CSE i ngach Ballstát níos ísle ná an sciar comhfhreagrach CSE don Bhallstát sin a leagtar síos sna clár oibríochtúla le haghaidh cuspóirí an Chóineasaithe agus an iomaíochais agus fostaíochta Réigiúnaí do chlárthréimhse 2007-2013. Cuirfear leis an sciar sin méid breise do gach Ballstát a chinntear i gcomhréir leis an modh a leagtar amach in larscríbhinn IX chun a áirithiú nach lú na 23,1 % i mBallstát an sciar de CSE mar chéatadán d'iomlán na n-acmhainní comhcheangailte le haghaidh na gCistí ar leibhéal

an Aontais, gan an tacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe le haghaidh an bhonneagair iompair faoi SCE dá dtagraítear i mír 6 á chur san áireamh ná an tacaíocht ó na Cistí Struchtúracha le haghaidh cabhrach do na daoine is díothaí dá dtagraítear i mír 7. Chun críocha na míre seo, déanfar infheistíocht arna soláthar ó CSE do TFAO a mheas mar chuid den sciar de na Cistí Struchtúracha a leithdháiltear ar CSE.

5. Is é EUR 3 000 000 000 a bheidh sna hacmhainní do TFAO ón leithdháileadh sonrath i leith TFAO agus EUR 3 000 000 000 ar a laghad ó infheistíocht spriocdhírthe CSE.

6. Is é EUR 10 000 000 000 a bheidh sa mhéid tacaíochta ón gCiste Comhtháthaithe a bheidh le haistriú do SCE. Caithfear é le haghaidh na dtionscadal bonneagair iompair i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 go heisiach sna Ballstáit atá incháilithe le haghaidh cistithe ón gCiste Comhtháite.

Déanfaidh an Coimisiún cinneadh a ghlacadh, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme, ina leagfar amach an méid a bheidh le haistriú ó leithdháileadh gach Ballstáit den Chiste Comhtháthaithe chuig SCE, ar méid é a chinntear ar bonn pro rata i leith na tréimhse iomláine. Déanfar leithdháileadh gach Ballstáit den Chiste Comhtháthaithe a laghdú dá réir sin.

Déanfar na leithreasuithe bliantúla a chomhfhreagraíonn don tacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe atá luaite sa chéad fhomhír a iontráil i línte buiséid ábhartha na Saoráide um Chónascadh na hEorpa amhail ó chleachtadh buiséid 2014.

Déanfar an méid a aistreofar ón gCiste Comhtháthaithe chuig SCE, dá dtagraítear sa chéad fhomhír, a chur chun feidhme trí ghlaonna sonracha a sheoladh do thionscadail a bhfuil na croighreasáin á gcur chun feidhme acu nó do thionscadail agus do ghníomhaíochtaí cothrománacha a shainaitheofar i gCuid I d'larscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013.

Beidh feidhm ag na rialacha is infheidhme don earnáil iompair faoi Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 maidir leis na glaonna sonracha dá dtagraítear sa cheathrú fhomhír. Go dtí an 31 Nollaig 2016, déanfar le roghnú na dtionscadal atá incháilithe le haghaidh maoinithe na leithdháiltí náisiúnta faoin gCiste Comhtháthaithe a urramú. Amhail ón 1 Eanáir 2017, déanfar acmhainní arna n-aistriú chuig SCE nach mbeidh geallta do thionscadal bonneagair iompair a chur ar fáil do na Ballstáit go léir atá incháilithe le haghaidh cistithe ón gCoiste Comhtháthaithe chun na tionscadail bhonneagair iompair a mhaoiniú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013.

Chun tacú le Ballstáit atá incháilithe le haghaidh cistithe ón gCiste Comhtháthaithe, a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu i ndearadh tionscadal ag a bhfuil aibíocht leordhóthanach acu nó ag a bhfuil cáilíocht leordhóthanach acu, nó ag a bhfuil an dá rud acu, agus a bhfuil breisluach leordhóthanach acu le haghaidh an Aontais, tabharfar aird ar leith ar thograí a bheidh dírithe ar chumas institiúideach agus éifeachtúlacht riarachán poiblí agus seirbhísí poiblí agus a threisiú maidir le forbairt agus le cur chun feidhme na dtionscadal a liostaítear i

gCuid 1 d'Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013. Chun an leibhéal is airde is féidir a áirithiú de na cistí aistriithe sna Ballstáit go léir atá incháilithe le haghaidh cistithe ón gciste Comhtháite, féadfaidh an Coimisiún glaonna breise a eagrú.

7. Ní lú ná EUR 2 500 000 000 a bheidh sa tacaíocht ó na Cistí Struchtúracha don chabhair do na daoine is díothaí faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh Fáis agus Post agus féadfar í a mhéadú suas go dtí EUR 1 000 000 000 le tacaíocht bhreise arna cinneadh ar bhonn saorálach ag na Ballstáit.

Glacfaidh an Coimisiún cinneadh, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme, ina leagfar amach an méid a bheidh le haistriú ó leithdháileadh gach Ballstáit de na Cistí Struchtúracha chuig cabhair do na daoine is díothaí i leith na tréimhse iomláine. Déanfar leithdháileadh gach Ballstáit de na Cistí Struchtúracha a laghdú dá réir sin, ar bhonn laghdú pro-rata de réir catagóire réigiúin.

Déanfar na leithreasuithe bliantúla a chomhfhreagraíonn don tacaíocht ó na Cistí Struchtúracha dá dtagraítear sa chéad fhómhír a iontráil i línte buiséid na hionstraime um chabhrach do na daoine is díothaí amháil ó chleachtadh buiséid 2014.

8. Déanfar EUR 330 000 000 d'acmhainní na gCistí Struchtúracha don sprioc 'Infheistíocht le haghaidh fáis agus post' a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí nuálacha atá á mbainistiú go díreach nó go hindíreach ag an gCoimisiún i réimse na forbartha uirbí inbhuanaithe.

9. Is 2,75 % de na hacmhainní foriomlána atá ar fáil le haghaidh an ghealltanais bhuiséadaigh ó na Cistí don tréimhse 2014 - 2020 (i.e., EUR 8 948 259 330 ar an iomlán) a bheidh sna hacmhainní le haghaidh sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh.

10. Chun críocho an Airteagail seo, Airteagail 18, 91, 93, 95, 99, 120, Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán seo. chun críocho Airteagal 4 de Rialachán CFRE, Airteagal 4 agus Airteagal 16 go hAirteagal 23 de Rialachán CSE, Airteagal 3(3) de Rialachán CCE, agus Airteagal 15i go hAirteagal 15yiii de Rialachán CSE, measfar an réigiún is forimeallaí de Mayotte a bheith ina réigiún leibhéal NUTS 2 a thagann faoi chatagóir réigiúin bheagfhorbartha. Chun críocho Airteagal 3(1) agus (2) de Rialachán CCE, measfar Mayotte agus Saint Martin a bheith ina réigiún leibhéal NUTS 3.

Airteagal 93

Neamh-inaistritheacht acmhainní idir catagóirí réigiún

1. Ní bheidh na leithreasuithe iomlána arna leithdháileadh ar gach Ballstát maidir le réigiúin bheagfhorbartha, réigiúin trasdula agus réigiúin níos forbartha inaistrithe idir na catagóirí réigiún sin.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh an Coimisiún, in imthosca a bhfuil údar cuí leo agus a bhaineann le cur chun feidhme cuspóra théamaigh amháin nó níos mó, glacadh le togra ó Bhallstát agus an Comhaontú Comhpháirtíochta á chur isteach den chéad uair aige nó in imthosca a bhfuil údar cuí leo tráth

leithdháilte an chúlchiste feidhmíochta, nó i athbhreithniú mór ar an gComhaontú Comhpháirtíochta chun suas le 3 % den leithreasú iomlán le haghaidh catagóire réigiún a aistriú go dtí catagóirí réigiún eile.

Airteagal 94

Neamh-aistritheacht acmhainní idir spriocanna

1. Ní bheidh iomlán na leithreasuithe arna leithdháileadh ar gach Ballstát maidir le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh inaistrithe idir na spriocanna sin

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh an Coimisiún chun rannchuidiú éifeachtach na gCistí leis na misin dá dtagraítear in Airteagal 89(1), in imthosca a bhfuil údar cuí leo, agus faoi réir an choinníll a leagtar síos i mír 3, glacadh, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme, le togra ó Bhallstát agus an Conradh Comhpháirtíochta á thíolacadh den chéad uair aige cuid dá leithreasuithe le haghaidh sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh a aistriú chuig sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post.

3. Maidir le cuid sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh sa Bhallstát a mbeidh an togra á dhéanamh aige dá dtagraítear i mír 2, ní lú í ná 35 % den iomlán a bheidh leithdháilte ar an mBallstát sin maidir le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus maidir le sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh, agus ní lú ná 25 % den iomlán í tar éis an t-aistriú a bheith déanta.

Airteagal 95

Breisiócht

1. Chun críocho an Airteagail seo agus Iarscríbhinn X, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'ollfhoirmiú caipitil sheasta' na sócmhainní seasta uile, lúide diúscairtí, arna bhfáil ag na táirgeoirí cónaitheacha mar éadálacha le linn tréimhse áirithe móide breiseanna áirithe ar luach sócmhainní neamhtháirgthe arna réadú trí ghníomhaíocht táirgthe táirgeora nó trí ghníomhaíocht táirgthe aonad institiúideach, mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 ón gComhairle ⁽¹⁾;

(2) ciallaíonn 'sócmhainní seasta' gach sócmhainn inláimhsithe nó doláimhsithe arna táirgeadh mar aschur ó phróisis táirgthe agus a úsáidtear arís agus arís eile, nó ar bhonn leanúnach, i bpróisis táirgthe ar feadh tréimhse is faide ná bliain amháin;

(3) ciallaíonn 'rialtas ginearálta' iomlán na n-aonad institiúideach a tháirgeann seirbhísí neamh-mhargaidh den chuid is mó (b'fhéidir earraí) lena dtomhailt ar bhonn aonair nó comhchoiteann agus a athdháileann ioncam agus rachmas anuas ar a bhfreagrachtaí polaitiúla agus a ról maidir le rialú eacnamaíoch a chomhlíonadh;

(4) ciallaíonn 'caiteachas struchtúrach poiblí nó coibhéiseach' ollfhoirmiú caipitil sheasta an rialtais ghinearálta.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 ón gComhairle an 25 Meitheamh 1996 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach sa Chomhphobal (IO L 310, 30.11.1996, lch. 1)

2. Ní ghabhfaidh tacaíocht ó na Cistí a thugtar do sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post ionad an chaiteachais struchtúraigh phoiblí nó choibhéisigh ag Ballstát.

3. Déanfaidh Ballstáit leibhéal de chaiteachas struchtúrach poiblí nó coibhéiseach a chothabháil ar feadh na tréimhse 2014-2020 ar an meán in aghaidh na bliana a bheidh cothrom ar a laghad leis an leibhéal tagartha arna shocrú sa Chomhaontú Comhpháirtíochta.

Agus an leibhéal tagartha dá dtagraítear sa chéad fhomhír á shocrú, déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit na dálaí maicreacnamaíocha ginearálta mar aon le himthosca sonracha nó eisceachtúla a chur san áireamh, amhail príobháidithe, leibhéal eisceachtúil de chaiteachas struchtúrach poiblí nó coibhéiseach ag Ballstát i gclárthréimhse 2007-2013 agus forbairt ar tháscarí infheistíochta poiblí eile. Ina theannta sin, déanfaidh siad athruithe sna leithdháiltí náisiúnta ó na Cistí a chur san áireamh, i gcomparáid leis na blianta 2007-2013.

4. Ní dhéanfar fíorú i dtaobh an ndearnadh leibhéal an chaiteachais struchtúraigh phoiblí nó choibhéisigh faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post a chothabháil ar feadh na tréimhse ach amháin sna Ballstáit sin ina gcuimsíonn réigiúin bheagfhorbartha 15 % ar a laghad den daonra iomlán.

Déanfar an fíorú ar an leibhéal náisiúnta sna Ballstáit sin ina gcuimsíonn réigiúin bheagfhorbartha 65 % ar a laghad den daonra.

Déanfar an fíorú ar an leibhéal réigiúnach sna Ballstáit sin ina gcuimsíonn réigiúin bheagfhorbartha níos mó ná 15 % agus níos lú ná 65 % den daonra iomlán. Chun na críche sin, déanfaidh na Ballstáit sin faisnéis a chur ar fáil don Choimisiún maidir leis an gcaiteachas sna réigiúin bheagfhorbartha ag gach céim den phróiseas fíorúcháin.

5. Déanfar an fíorú i dtaobh an ndearnadh leibhéal an chaiteachais struchtúraigh phoiblí nó choibhéisigh faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post a chothabháil an tráth a chuirfean an Comhaontú Comhpháirtíochta isteach ("fíorú ex ante"), in 2018 ("fíorú meántearma"), agus in 2022 ("fíorú ex post").

Tá na rialacha mionsonraithe a bhaineann le fíorú na breisíochta leagtha amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn X.

6. Má shuíonn an Coimisiún i bhfíorú ex post nach ndearna Ballstát an leibhéal tagartha de chaiteachas struchtúrach poiblí nó coibhéiseach faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post arna leagan amach sa Chomhaontú Comhpháirtíochta agus faoi mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn X a chothabháil, féadfaidh an Coimisiún, maidir le méid na neamhchomhlíonachta, ceartú airgeadais a dhéanamh trí chinneadh a ghlacadh trí bhíthin gnímh cur chun feidhme. Agus cinneadh á dhéanamh faoinar cheart ceartú airgeadais a dhéanamh, cuirfidh an Coimisiún san áireamh ar athraigh staid eacnamaíoch an

Bhallstáit go suntasach i ndiaidh an fhíoraithe mheántearma. Tá na rialacha mionsonraithe a bhaineann le rátaí ceartaithe airgeadais leagtha amach i bpointe 3 d'Iarscríbhinn X.

7. Ní bheidh feidhm ag mír 1 go mír 6 maidir le cláir faoi sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh.

TEIDEAL II

CLÁREAGRÚ

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta maidir leis na Cistí

Airteagal 96

Inneachar, glacadh agus leasú clár oibríochtúil faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post

1. Is aiseanna tosaíochta atá i gclár oibríochtúil. Bainfidh ais tosaíochta le haon Chiste amháin agus le haon chatagóir réigiúin amháin, seachas i gcás an Chiste Chomhtháthaithe agus comhfhreagróidh sí, gan dochar d'Airteagal 59, do chuspóir téamach agus beidh tosaíocht infheistíochta amháin nó níos mó de chuid an chuspóra théamaigh sin inti, i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha. I gcás inarb iomchuí agus chun a tionchar agus a héifeachtúlacht a mhéadú trí chur chuige comhtháite atá comhleanúnach go téamach, féadfaidh ais tosaíochta:

- a bheith bainteach le níos mó ná catagóir réigiúin amháin;
- ceann amháin nó níos mó de thosaíochtaí comhlántacha infheistíochta de chuid CFRE, de chuid an Chiste Chomhtháthaithe agus de chuid CSE a chomhcheangal faoi chuspóir téamach amháin;
- i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, tosaíocht infheistíochta chomhlántach amháin nó níos mó as na cuspóirí téamacha éagsúla a chomhcheangal chun rannchuidiú uasta leis an ais tosaíochta sin a bhaint amach;
- i gcás CSE tosaíochtaí infheistíochta ó chuspóirí téamacha éagsúla a leagtar amach i bpointí (8), (9), (10) agus (11) den chéad mhír d'Airteagal 9 a chomhcheangal chun gur fusa dóibh rannchuidiú le haiseanna tosaíochta eile agus d'fhonn nuálaíocht shóisialta agus thrasnáisiúnta a chur chun feidhme.

Féadfaidh Ballstáit aon dhá cheann nó níos mó de phointe (a) go pointe (d) a chomhcheangal.

2. Rannchuideoidh clár oibríochtúil le straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach agus le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bhaint amach agus leagfar amach sa chlár:

- dlisteanú ar rogha na gculpóirí téamacha, ar rogha na dtosaíochtaí infheistíochta comhfhreagracha, agus ar rogha na leithdháiltí airgeadais, ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta, bunaithe ar riachtanais réigiúnacha, agus, i gcás inarb iomchuí, ar riachtanais ar an leibhéal náisiúnta a shainaithint lena n-áirítear an gá aghaidh a

thabhairt ar na dúshláin arna sainaitheint sna moltaí tírshonracha ábhartha arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 121(2) CFAE agus leis na moltaí ábhartha ón gComhairle arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 148(4) CFAE agus an mheastóireacht ex ante i gcomhréir le hAirteagal 55 á cur san áireamh.

(b) maidir le gach ais tosaíochta seachas cúnaimh teicniúil:

- (i) na tosaíochtaí infheistíochta agus na sainchuspóirí comhfhreagracha;
- (ii) chun neart a chur le treoshuíomh thorthaí an chlárea-graithe, na torthaí a bhfuiltear ag súil leo ó na sainchuspóirí agus na táscairí comhfhreagracha ar thorthaí a bhfuil luach bonnlíne agus luach sprice acu agus i gcás inarb iomchuí iad cainníochtaíthe, i gcás inarb iomchuí i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha;
- (iii) tuairisc ar chineál agus ar shamplaí gníomhaíochtaí a bhfuil tacaíocht le fáil acu faoi gach tosaíocht infheistíochta agus a mhéid a mheastar a chuirfidh siad leis na sainchuspóirí dá dtagraítear i bpointe (i), lena n-áirítear na prionsabail atá mar threoraíocht agus oibríochtaí á roghnú agus, i gcás inarb iomchuí, na spriocghrúpaí príomha, críocha sonracha ar díriodh orthu, cineálacha na dtairbhíthe, úsáid bheartaithe na n-ionstraimí airgeadais agus mórhionscadal a shainaitheint;
- (iv) na táscairí aschuir, lena n-áirítear an luach sprice cainníochtaíthe, a mheastar a chuirfidh leis na torthaí, i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha, i gcomhair gach tosaíochta infheistíochta;
- (v) céimeanna cur chun feidhme agus táscairí airgeadais agus aschuir, agus i gcás inarb iomchuí, táscairí toraidh, a shainaitheint le bheith ina ngarspriocanna agus ina spriocanna don chreat feidhmíochta i gcomhréir le hAirteagal 21(1) agus le hIarscríbhinn II;
- (vi) na catagóirí comhfhreagracha idirghabhála bunaithe ar ainmníocht a ghlacfaidh an Coimisiún agus miondealú tásach ar na hacmhainní atá cláraithe;
- (vii) i gcás inarb iomchuí, achoimre ar úsáid bheartaithe cúnaimh teicniúil lena n-áirítear, i gcás inar gá sin, gníomhaíochtaí chun acmhainn riaracháin na n-údarás a bhfuil baint acu le bainistiú agus le rialú na gclár agus na dtairbhíthe a atreisiú;

(c) maidir le gach ais tosaíochta a bhaineann le cúnaimh teicniúil:

- (i) sainchuspóirí;
- (ii) na torthaí a bhfuiltear ag súil leo ó gach sainchuspóir agus, i gcás ina mbeidh údar maith oibiachtúil leo ag féachaint d'ábhar na ngníomhaíochtaí, na táscairí

comhfhreagracha ar thorthaí, le luach bonnlíne agus luach sprice, i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha;

(iii) tuairisc ar ghníomhaíochtaí a bhfuil tacaíocht le fáil acu agus a mhéid a mheastar a chuirfidh siad leis na sainchuspóirí dá dtagraítear i bpointe (i);

(iv) na táscairí aschuir a mheastar a rannchuideoidh leis na torthaí;

(v) na catagóirí comhfhreagracha idirghabhála bunaithe ar ainmníocht arna glacadh ag an gCoimisiún, agus miondealú tásach ar na hacmhainní atá cláraithe.

Ní bheidh feidhm ag pointe (ii) sa chás nach sáróidh rannchuidiú an Aontais chuig an ais tosaíochta nó chuig na haiseanna tosaíochta a bhaineann le cúnaimh teicniúil i gclár oibríochtúil EUR 15 000 000.

(d) plean maoinithe ina mbeidh na táblaí seo a leanas:

(i) táblaí ina saineofar le haghaidh gach bliana, i gcomhréir le hAirteagal 60, Airteagal 120 agus le hAirteagal 121, méid an leithreasaithe airgeadais iomláin atá beartaithe don tacaíocht ó gach Ciste ar leith, ina sainaitheofar na méideanna a bhaineann leis an gcúlchiste feidhmíochta;

(ii) táblaí ina saineofar, le haghaidh na clárthréimhse ar fad, maidir leis an gclár oibríochtúil agus maidir le gach ais tosaíochta, méid an leithreasaithe airgeadais iomláin den tacaíocht ó gach ceann de na Cistí agus ón gcómhainiú náisiúnta, ina sainaitheofar na méideanna a bhaineann leis an gcúlchiste feidhmíochta. I gcás na n-aiseanna tosaíochta a bhaineann le roinnt catagóirí réigiún, saineofar sna táblaí méid an leithreasaithe airgeadais iomláin ó na Cistí agus an gcómhainiú náisiúnta le haghaidh gach catagóire réigiún.

Maidir le haiseanna tosaíochta lena gcomhcheanglaítear tosaíochtaí infheistíochta ó chuspóirí téamacha difriúla, saineofar sa tábla méid an leithreasaithe airgeadais iomláin ó gach ceann de na Cistí agus an gcómhainiú náisiúnta le haghaidh gach ceann de na cuspóirí téamacha comhfhreagracha.

Sa chás ina bhfuil an gcómhainiú náisiúnta comhdhéanta de chómhainiú poiblí agus príobháideach, beidh miondealú tásach sa tábla idir na comhpháirteanna poiblí agus na comhpháirteanna príobháideacha. Déanfar an rannpháirtíocht atá beartaithe ó BEI a léiriú ann chun críocha faisnéise;

(e) liosta de na mórhionscadail a bhfuil sé beartaithe iad a chur chun feidhme le linn na clárthréimhse.

Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis an ainmníocht dá dtagraítear i bpointe (b)(vi) agus i bpointe (c)(v) den chéad fhomhír. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 150(3).

3. Agus a inneachar agus cuspóirí á gcur san áireamh, déanfar tuairisc i gclár oibríochtúil ar an gcur chuige comhtháite i ndáil le forbairt críche, ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta, agus an tslí ina gcuireann an clár oibríochtúil sin le baint amach a chuspóirí agus a thorthaí a bhfuiltear ag súil leo á léiriú, agus an méid seo a leanas á shonrú, i gcás inarb iomchuí:

- (a) an cur chuige i leith ionstraimí maidir le forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail a úsáid agus na prionsabail chun na limistéir ina gcuirfear chun feidhme í a shaináithint;
- (b) méid tásach na tacaíochta ó CFRE do ghníomhaíochtaí comhtháite ar mháithe leis an bhforbairt uirbeach inbhuananaithe, atá le cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 7(3) de Rialachán EFRD agus leithdháileadh tásach thacaíocht CSE do ghníomhaíochtaí comhtháite;
- (c) an cur chuige i leith úsáid ionstraim ICC i gcásanna seachas cásanna a chlúdaítear le pointe (b), agus an leithdháileadh airgeadais tásach a bheadh ag gabháil dóibh ó gach ais tosaíochta;
- (d) na socrúithe maidir le gníomhaíochtaí idir-réigiúnacha agus trasnáisiúnta, laistigh de na cláir oibríochtúla, le tairbhíthe atá lonnaithe i mBallstát amháin eile ar a laghad;
- (e) i gcás ina mbíonn Ballstáit agus réigiúin rannpháirteach i straitéisí macraireigiúnacha nó i straitéisí imchuach farraige, rannchuidiú na n-idirghabhálacha beartaithe faoin gclár chuig straitéisí den sórt sin, faoi réir riachtanais limistéar an chláir de réir mar atá sé saináitheanta ag an mBallstát.

4. Ina theannta sin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú sa chláir oibríochtúil:

- (a) i gcás inarb iomchuí, a shaináithint an dtugtar, nó conas a thugtar, aghaidh ar riachtanais shonracha na limistéar geografach is mó a mbaineann an bhochtaineacht leo nó ar na spriocghrúpaí a mbaineann an baol is mó maidir le hidirdhealú nó maidir le heisiamh sóisialta leo, agus aird faoi leith á tabhairt ar phobail imeallaithe agus ar dhaoine faoi mhíchumas, agus, i gcás inarb ábhartha, a mhéid a rannchuidítear leis an gcur chuige comhtháite a leagtar amach sa Chomhaontú Comhpháirtíochta;
- (b) i gcás inarb iomchuí, a shaináithint an dtugtar, nó conas a thugtar, aghaidh ar dhúshláin dhéimeagrafacha réigiún nó ar riachtanais shonracha limistéar a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha acu, amháil dá dtagraítear in Airteagal 174 CFAE agus a mhéid a rannchuidítear leis an gcur chuige comhtháite a leagtar amach sa Chomhaontú Comhpháirtíochta chuige sin.

5. Leis an gclár comhair, déanfar an méid seo a leanas a shaináithint:

- (a) an t-údarás bainistíochta, an t-údarás deimhniúcháin, i gcás inarb iomchuí, agus an t-údarás iniúchóireachta;
- (b) an comhlacht lena bhfuil íocaíochtaí le déanamh ag an gCoimisiún;

(c) na gníomhaíochtaí arna ndéanamh chun na comhpháirtithe ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 5 a tharraingt isteach in ullmhú an chláir oibríochtúil, agus ról na gcomhpháirtithe maidir le cur chun feidhme an chláir oibríochtúil agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh air;

6. Leagfar amach an méid seo a leanas freisin sa chláir oibríochtúil, ag féachaint d'inneachar an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus creat institiúideach agus dlí na mBallstát á chur san áireamh:

- (a) na sásraí lena n-áirithítear comhordú idir na Cistí, CETFT, CEMI agus ionstraimí cistiúcháin náisiúnta agus ionstraimí cistiúcháin eile de chuid an Aontais, agus na forálacha ábhartha a leagtar síos in CS á gcur san áireamh ag BEL.
- (b) maidir le gach coinníollacht ex ante, arna bunú i gcomhréir le hAirteagal 19 agus le hIarscríbhinn XI, atá infheidhme maidir leis an gclár oibríochtúil, measúnú i dtaobh an mbeidh an choinníollacht ex ante comhlíonta ar an dáta a chuirfear an Comhaontú Comhpháirtíochta agus an clár oibríochtúil isteach, agus i gcás nach mbeidh na coinníollachtaí ex ante comhlíonta tuairisc ar na gníomhaíochtaí chun an choinníollacht ex ante a chomhlíonadh, na comhlachtaí atá freagrach agus tráthchlár do na gníomhaíochtaí sin i gcás inarb infheidhme i gcomhréir leis an achoimre a bheidh curtha isteach sa Chomhaontú Comhpháirtíochta;
- (c) achoimre den mheasúnú ar an ualach riaracháin le haghaidh tairbhíthe agus, i gcás inar gá sin, na gníomhaíochtaí arna mbeartú, a mbeidh creat ama tásach ag gabháil leo, chun an t-ualach riaracháin a laghdú.

7. Gach clár oibríochtúil, ach amháin na cláir sin ina dtugtar faoi chúnamh teicniúil faoi chláir oibríochtúil sonracha, áireofar leis tuairisc ar an méid seo a leanas, faoi réir mheasúnú cuí-réasúnaíthe an Bhallstáit ar a ábhartha atá siad d'ábhar agus do chuspóirí na gclár:

- (a) na gníomhaíochtaí sonracha trína gcuirfear san áireamh, agus oibríochtaí á roghnú, ceanglais chosanta comhshaoil, éifeachtúlacht acmhainní, maolú ar an athrú aeráide, oiriúnú don athrú aeráide, athléimneacht ó thubaistí agus cosc ar rioscaí maidir le hathrú aeráide agus bainistíocht an athraithe aeráide;
- (b) na gníomhaíochtaí sonracha chun comhdheiseanna a chur chun cinn agus idirdhealú ar bith bunaithe ar inscne, ar chine nó bunadh eitneach, ar reiligiún nó creideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar chlaonadh gnéasach a chosc agus an clár oibríochtúil á ullmhú, á cheapadh agus á chur chun feidhme agus go háirithe maidir le rochtain ar chistiú ag féachaint do riachtanais na spriocghrúpaí éagsúla atá i mbaol idirdhealú den chineál sin agus go háirithe na ceanglais chun inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a áirithiú;
- (c) an méid a rannchuidíonn an clár oibríochtúil le cur chun cinn an chomhionannais idir fir agus mná agus, i gcás inarb iomchuí, ar na socrúithe chun comhtháthú na gné inscne a áirithiú ar leibhéal an chláir oibríochtúil agus ar leibhéal na hoibríochta.

Féadfaidh na Ballstáit tuairim ó na comhlachtaí comhionannais náisiúnta maidir leis na bearta arna leagan amach i bpointe (b) agus i bpointe (c) den chéad fhomhír a chur isteach in éineacht leis an togra le haghaidh cláir oibríochtúil faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post.

8. I gcás ina n-ullmhaíonn Ballstát clár oibríochtúil amháin ar a mhéad do gach Ciste, ní fhéadfar na gnéithe den chlár oibríochtúil a thagann faoi phointe (a) den chéad fhomhír de mhír 2, faoi phointe (a), faoi phointe (c) agus faoi phointe (d) de mhír 3, faoi mhír 4 agus faoi mhír 6 a ionchorprú ach amháin faoi fhorálacha ábhartha an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta.

9. Ullmhófar an clár oibríochtúil i gcomhréir le samhail. Déanfaidh an Coimisiún, d'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos an tsamhail sin. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 150(2).

10. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, lena bhformheasfar gnéithe uile an chláir oibríochtúil (lena n-áirítear aon leasú a dhéanfar air amach anseo) a thagann faoin Airteagal seo, ach amháin na gnéithe sin a thagann faoi phointe (b)(vi), faoi phointe (c)(v) agus faoi phointe (e) den chéad fhomhír de mhír 2, faoi mhír 4 agus faoi mhír 5, faoi phointe (a) agus faoi phointe (c) de mhír 6 agus faoi mhír 7, arb iad na Ballstáit a bheidh freagrach astu i gcónaí.

11. Cuirfidh an t-údarás bainistíochta aon chinneadh lena leasófar gnéithe den chlár oibríochtúil nach gcumhdófar leis an gcinneadh ón gCoimisiún, dá dtagraítear i mír 10, in iúl don Choimisiún laistigh de mhí amháin ó dháta an chinnidh leasaithe sin. Sonrófar sa chinneadh leasaitheach an dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm, agus ní bheidh an dáta sin níos tuisce ná an dáta a nglacfar an cinneadh.

Airteagal 97

Forálacha sonracha maidir le cláreagrú na tacaíochta do na hionstraimí comhpháirteacha i leith ráthaíochtaí neamhchaidheáilte agus urrúsú faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post

I gcomhréir le hAirteagal 28, ní áireofar sna cláir oibríochtúla dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 39(4) ach amháin na gnéithe dá dtagraítear i bpointe (b)(i), (ii) agus (iv) den chéad fhomhír d'Airteagal 96(2), i bpointe (d) d'Airteagal 96(2), in Airteagal 96(5) agus i bpointe (b) d'Airteagal 96(6).

Airteagal 98

Tacaíocht chomhpháirteach ó na Cistí faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post

1. Féadfaidh na Cistí tacaíocht a thabhairt, ar bhonn comhpháirteach, do chláir oibríochtúla faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post.

2. Maidir le cuid d'oibríocht a bhfuil na costais ina leith incháilithe do thacaíocht ó Chiste eile ar bhonn na rialacha

incháilitheachta a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an gCiste sin, féadfaidh CFRE agus CSE í a mhaoiniú, ar bhealach comhlántach agus faoi réir teorann 10 % de chistiú ón Aontas maidir le gach ais tosaíochta de chlár oibríochtúil, ar choinníoll go bhfuil costais den sórt sin riachtanach chun an oibríocht a chur chun feidhme go sásúil agus go bhfuil baint dhíreach acu léi.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 nó ag mír 2 maidir le cláir faoi sprioc an chomhair chríochnaigh Eorpaigh.

Airteagal 99

Raon feidhme geografach na glár oibríochtúil faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post

Ach amháin má chomhaontaítear a mhalairt idir an Coimisiún agus an Ballstát, déanfar cláir oibríochtúla maidir le CFRE agus le CSE a tharraingt suas ar an leibhéal geografach iomchuí agus ar leibhéal NUTS 2 ar a laghad, i gcomhréir le creat institiúideach agus dlí an Bhallstáit.

Déanfar cláir oibríochtúla a bhfuil tacaíocht acu ón gCiste Comhtháthaithe a tharraingt suas ar an leibhéal náisiúnta.

CAIBIDIL II

Mórtionscadail

Airteagal 100

Ábhar

Mar chuid de chlár oibríochtúil nó de chlár oibríochtúla, atá faoi réir cinnidh ón gCoimisiún faoi Airteagal 96(10) den Rialachán seo nó faoi Airteagal 8(12) de Rialachán CCE, féadfar tacaíocht a fháil ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe i leith oibríochta lena chuimsítear sraith oibreacha, gníomhaíochtaí nó seirbhísí a bhfuil sé i gceist léi cúram doroinnte de chineál beacht eacnamaíoch nó teicniúil a chur i gcrích, ar cúram é lena ngabhann spriocanna atá sainaitheanta go soiléir agus ar mó a chostas iomlán incháilithe ná EUR 50 000 000 agus i gcás oibríochtaí a chuireann leis an gcuispóir téamach faoi phointe (7) den chéad mhír d'Airteagal 9 i gcás gur mó a gcostas iomlán incháilithe ná EUR 75 000 000 (an 'mórtionscadail'). Ní mheasfar gur mórtionscadail iad ionstraimí airgeadais.

Airteagal 101

An fhaisnéis a bhfuil gá léi le go ndéanfar mórtionscadail a fhorhmeas

Sula ndéanfar mórtionscadal a fhorhmeas, áiríteoidh an t-údarás bainistíochta go bhfuil an fhaisnéis seo a leanas ar fáil:

- na sonraí a bhaineann leis an gcomhlacht a bheidh freagrach as cur chun feidhme an mhórtionscadail, agus a acmhainní;
- tuairisc ar an infheistíocht agus ar a suíomh;
- an costas iomlán agus an costas incháilithe iomlán, ag féachaint do cheanglais Airteagal 61;
- na staidéir indéantachta a rinneadh, lena n-áirítear anailís ar na roghanna, agus na torthaí;

- (e) anailís costais is tairbhe, lena n-áirítear anailís eacnamaíoch agus airgeadais, agus measúnú riosca;
- (f) anailís ar an tionchar ar an gcomhshaol, agus riachtanais maidir le maolú um athrú aeráide agus oiriúnú dó, agus athléimneacht ó thubaistí, á gcur san áireamh;
- (g) míniú maidir leis an tslí ina bhfuil an mórthionscadal comhsheasmhach leis na haiseanna tosaíochta ábhartha an chlár oibríochtúil nó na gclár oibríochtúil, agus a mhéid a mheastar a chuirfidh sin le gnóthú shainchuspóirí na n-aiseanna tosaíochta sin agus an rannchuidiú ionchasach don fhorbairt shocheacnamaíoch;
- (h) an t-plean maoinithe ina léirítear na hacmhainní airgeadais iomlána atá beartaithe agus an tacaíocht atá beartaithe ó na Cistí, ó BEI, agus ó gach foinse maoinithe eile, mar aon le táscairí fisiciúla agus airgeadais chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus na rioscaí sainaitheanta á gcur san áireamh;
- (i) an tráthchlár do chur chun feidhme an mhórthionscadail agus, i gcás ina meastar go mbeidh an tréimhse cur chun feidhme níos faide ná an chlárthréimhse, na céimeanna a n-iarrrtar tacaíocht ó na Cistí ina leith i rith na clárthréimhse.
- (a) an doiciméad dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 125(3) ina leagtar amach an méid seo a leanas:
- (i) an comhlacht a bheidh freagrach as an mórthionscadal a chur chun feidhme;
- (ii) tuairisc ar an infheistíocht, ar a suíomh, ar an gclár ama agus ar an méid a mheastar a chuirfidh an mórthionscadal le sainchuspóirí na haise nó na n-aiseanna tosaíochta ábhartha;
- (iii) an costas iomlán agus an costas incháilithe iomlán, agus na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 61 á gcur san áireamh;
- (iv) an t-plean maoinithe agus na táscairí fisiciúla agus airgeadais chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn, agus na rioscaí sainaitheanta á gcur san áireamh;
- (b) an t-athbhreithniú ar cháilíocht arna dhéanamh ag na saineolaithe neamhspleácha, lena gcuirtear ráitis shoiléire ar fáil maidir le féidearthacht na hinfeistíochta agus le hinmharthanacht eacnamaíoch an mhórthionscadail.

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunófar an mhodheolaíocht atá le húsáid bunaithe ar na cleachtas aitheanta is fearr chun an anailís chostais is tairbhe dá dtagraítear i bpointe (e) den chéad fhomhír a dhéanamh, Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 150(2).

Ar thionscnamh ó Bhallstát, féadfaidh saineolaithe neamhspleácha a mbeidh tacaíocht theicniúil ón gCoimisiún acu measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis i bpointí (a) go (i) den chéad mhír, nó i gcomhaontú leis an gCoimisiún, saineolaithe neamhspleácha eile ("an t-athbhreithniú ar cháilíocht"). I gcásanna eile, cuirfidh an Ballstát an fhaisnéis a leagtar amach i bpointí (a) go (i) den chéad mhír faoi bhráid an Choimisiúin a luaithe a bheidh sí ar fáil.

Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 149, lena leagtar síos an mhodheolaíocht a bheidh le húsáid chun an t-athbhreithniú a dhéanamh ar cháilíocht mórthionscadail.

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunófar an leagan amach le haghaidh an fhaisnéis a leagtar amach i bpointe (a) go (i) den chéad mhír a chur faoina bhráid. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 150(2).

Airteagal 102

Cinneadh maidir le mórthionscadal

1. I gcás ina dtugann na saineolaithe neamhspleácha a rinne athbhreithniú cáilíochta ar mhórthionscadal, ar bhonn a measúnaithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 101, breithmheas dearfach, féadfaidh an t-údarás bainistíochta dul ar aghaidh leis an mórthionscadal a roghnú i gcomhréir le hAirteagal 125(3). Cuirfidh an tÚdarás Bainistíochta an Coimisiún ar an eolas faoin mórthionscadal a roghnófar. Beidh na gnéithe seo a leanas san fhógra sin:

Measfar go mbeidh an ranníocaíocht airgeadais don mhórthionscadal a roghnóidh an Ballstát formheasta ag an gCoimisiún, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme, mura ndéanfar cinneadh diúltú don mhórthionscadal laistigh de thrí mhí ó dháta an fhógra dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Ní dhiúltoídh an Coimisiún do ranníocaíocht airgeadais ach amháin má tá laige shuntasach suite aige maidir leis an athbhreithniú neamhspleách ar cháilíocht.

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunófar an leagan amach le haghaidh an fhógra dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 150(3).

2. I gcásanna eile seachas na cásanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, tabharfaidh an Coimisiún breithmheas ar an mórthionscadal ar bhonn na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 101 d'fhonn a chinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 125(3), an bhfuil údar maith ag an ranníocaíocht airgeadais iarrtha don mhórthionscadal a bheidh roghnaithe ag an údarás bainistíochta. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an ranníocaíocht airgeadais don mhórthionscadal roghnaithe a fhormheas, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme, tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis an dáta a gcuirfear isteach an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 101.

3. Beidh an formheas a dhéanfaidh an Coimisiún faoin dara fhomhír de mhír (1) agus faoi mhír (2) coinníollach ar an gcéad chonradh oibreacha a bheidh tugtha i gcrích, nó, i gcás oibríochtaí a chuirtear chun feidhme faoi struchtúir chomhpháirtíochta príobháidí poiblí (CPP), ar shíniú an chomhaontaithe CPP idir an comhlacht poiblí agus an comhlacht san earnáil phríobháideach laistigh de thrí bliana ó dháta an fhormheasa. Arna iarraidh sin go cuí-réasúnaithe don Bhallstát, go háirithe i gcás moilleanna a eascraíonn as imeachtaí riaracháin agus dlíthiúla a bhaineann le cur chun feidhme mórthionscadal, agus ar an iarratas sin a chur isteach laistigh de thréimhse trí bliana, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a ghlacadh, trí bhíthin gnímh chur chun feidhme, maidir le síneadh nach faide ná dhá bhliain a chur leis an tréimhse.

4. I gcás nach bhformheasfaidh an Coimisiún an ranníocaíocht airgeadais don mhórtionscadal roghnaithe, cuirfidh sé na cúiseanna leis an diúltú in iúl sa chinneadh a thugann sé.

5. Áireofar ar liosta na mórtionscadal a bheidh i gclár oibríochtúil na mórtionscadail a mbeidh fógra curtha chuig an gCoimisiún fúthu faoi mhír 1 nó na mórtionscadail a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin le haghaidh a bhformheasa faoi mhír 2.

6. Féadfar caiteachas a bhaineann le mórtionscadal a áireamh in iarraidh ar íocaíocht tar éis chur isteach an fhógra dá dtagraítear i mír 1 nó tar éis chur isteach na haighneachta um fhorheas dá dtagraítear i mír 2. Sa chás nach bhformheasann an Coimisiún an mórtionscadal a roghnóidh an t-údarás bainistíochta, déanfar an dearbhú caiteachais a cheartú dá réir tar éis chinneadh an Choimisiúin a ghlacadh.

Airteagal 103

Cinneadh maidir le mórtionscadal atá faoi réir cur chun feidhme céimnithe

1. De mhaolú ar an tríú fómhír d'Airteagal 101(1) agus Airteagal 102, beidh feidhm ag na nósanna imeachta a leagtar amach i mír 2, i mír 3 agus i mír 4 den Airteagal seo maidir le hoibríocht lena gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) is é atá i gceist leis an oibríocht an dara céim de mhórtionscadal nó an chéim ina dhiaidh sin faoin gclárthréimhse roimhe sin ar údaraíodh an chéim nó na céimeanna roimhe sin ina leith ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2015 de bhun Rialacháin (CE) Uimh 1083/2006; nó i gcás Ballstát a d'aontaigh don Aontas tar éis an 1 Eanáir 2013, tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2016;
- (b) is mó suim na gcostas iomlán i dtaca le céimeanna uile an mhórtionscadail ná na leibhéil faoi seach a leagtar amach in Airteagal 100;
- (c) cumhdaíodh na céimeanna beartaithe go léir san iarratas mórtionscadail agus sa mheasúnú a rinne an Coimisiún faoin gclárthréimhse roimhe seo;
- (d) níl aon athruithe substaintiúla san fhianaise dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 101 den Rialachán seo le haghaidh an mhórtionscadail i gcomparáid leis an bhfianaise a thugtar le haghaidh an iarratais mhórtionscadail a cuireadh isteach faoi Rialachán (EC) Uimh 1083/2006, go háirithe maidir leis an gcostas inhcáilithe iomlán.
- (e) tá nó beidh an chéim den mhórtionscadal a chuirfear chun feidhme faoin gclárthréimhse roimhe seo ullamh le húsáid chun na gcríoch a ceapadh dó mar a shonraítear sa chinneadh ón gCoimisiún faoin spriocdháta atá socraithe leis na doiciméid i leith dúnadh a thíolacadh le haghaidh an chláir oibríochtúil nó na gclár oibríochtúil lena mbaineann.

2. Féadfaidh an t-údarás bainistíochta dul ar aghaidh agus an mórtionscadal a roghnú i gcomhréir le hAirteagal 125(3) agus an fógra a thíolacadh ina bhfuil na heilimintí go léir a leagtar

amach i bpointe (a) den chéad fómhír d'Airteagal 102(1) in éineacht lena dheimhniú go gcomhlíontar an coinníoll faoi phointe (d) de mhír 1 den Airteagal seo. Ní éileofar aon athbhreithniú cáilíochta ar an bhfianaise ó shaineolaithe neamhspleácha.

3. Measfar go mbeidh an ranníocaíocht airgeadais don mhórtionscadal a roghnóidh an t-údarás bainistíochta formheasta ag an gCoimisiún, mura ndéanfar cinneadh, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme, diúltú don mhórtionscadal laistigh de thrí mhí ó dháta an fhógra dá dtagraítear i mír 2. Diúltóidh an Coimisiún don ranníocaíocht airgeadais ar an mbonn amháin go bhfuil athruithe substaintiúla san fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 1 nó ar an mbonn nach bhfuil an mórtionscadal ag teacht leis an ais tosaíochta ábhartha den chláir oibríochtúil nó de na cláir oibríochtúla lena mbaineann.

4. Beidh feidhm ag Airteagal 102(3) go (6) maidir le cinntrí maidir le mórtionscadal atá faoi réir cur chun feidhme céimnithe.

CAIBIDIL III

Comhphlean gníomhaíochta

Airteagal 104

Raon feidhme

1. Is éard is comhphlean gníomhaíochta ann oibríocht ar sainithe agus ar bainistithe a raon feidhme i ndáil leis an aschur agus na torthaí atá le baint amach. Tá tionscadal nó grúpa tionscadal ann, nach mbaineann le bonneagar a sholáthar, agus cuirtear i gcrích iad faoi fhreagracht an tairbhí, mar chuid de chláir oibríochtúil nó de chláir oibríochtúla. Déanfaidh Ballstát agus an Coimisiún aschur agus torthaí comhphlean gníomhaíochta a chomhaontú agus rannchuideoidh siad chun sainchuspóirí na gclár oibríochtúil a bhaint amach agus beidh siad mar bhonn leis an tacaíocht ó na Cistí. Déanfar tagairt d'éifeachtaí díreacha an chomhphlean gníomhaíochta sna torthaí. Beidh tairbhí an chomhphlean gníomhaíochta ina chomhlacht dlí phoiblí. Ní mheasfar gur mórtionscadail iad comhphleananna gníomhaíochta.

2. Beidh EUR 10 000 000 ar a laghad sa chaiteachas poiblí arna leithdháileadh ar chomhphlean gníomhaíochta nó 20 % de thacaíocht phoiblí an chláir oibríochtúil nó na gclár oibríochtúil, cibé acu is lú. Chun críche treoirtionscadal a ghabháil ar láimh, féadfar an t-íoschaiteachas poiblí a leithdháilfear ar chomhphlean gníomhaíochta amháin do gach clár oibríochtúil a laghdú go dtí EUR 5 000 000.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 2 maidir le hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht faoi TFAO.

Airteagal 105

Comhphleananna gníomhaíochta a ullmhú

1. Féadfaidh an Ballstát, an t-údarás bainistíochta nó comhlacht dlí phoiblí ainmnithe ar bith togra le haghaidh comhphlean gníomhaíochta a chur isteach an tráth céanna a chuirtear na cláir oibríochtúla lena mbaineann isteach nó ina dhiaidh sin. Beidh an fhaisnéis go léir dá dtagraítear in Airteagal 106 ar áireamh sa togra sin.

2. Cumhdóidh plean gníomhaíochta compháirtí cuid den tréimhse idir an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2023. Ní bhfaighfear aisiocaíocht de thoradh aschuir agus torthaí comhphlean gníomhaíochta ach amháin má bhaintear amach iad tar éis dháta an chinnidh formheasa maidir leis an gcomhphlean gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 107 agus roimh dheireadh na tréimhse cur chun feidhme a shainítear sa chinneadh sin.

Airteagal 106

Inneachar comhphleananna gníomhaíochta

Beidh an méid seo a leanas i gcomhphlean gníomhaíochta:

- (1) anailís ar riachtanais forbartha agus ar chuspóirí lena dtugtar údar maith leis, agus cuirfear san áireamh cuspóirí na gclár oibríochtúil agus, i gcás inarb iomchuí, na moltaí tírshonracha ábhartha agus mhórtreoirínte bheartais eacnamaíochta na mBallstát agus an Aontais faoi Airteagal 121(2) CFAE agus moltaí ábhartha na Comhairle a chuirfidh na Ballstáit san áireamh ina mbeartais fostaíochta faoi Airteagal 148(4) CFAE;
- (2) an creat ina ndéantar cur síos ar an gcaidreamh idir cuspóirí ginearálta agus sainchuspóirí an chomhphlean gníomhaíochta, na garspriocanna agus na spriocanna maidir le haschur agus torthaí, agus na tionscadail nó na cineálacha tionscadal atá beartaithe;
- (3) na táscairí coiteanna agus na táscairí sonracha arna n-úsáid chun faireachán a dhéanamh ar aschur agus ar thorthaí, i gcás inarb ábhartha, de réir aise tosaíochta;
- (4) faisnéis faoina chuimsiú geografach agus faoina spriocgh-rúpaí;
- (5) a thréimhse cur chun feidhme measta;
- (6) anailís ar a éifeachtaí ar chur chun cinn an chomhionannais idir fir agus mná agus ar chosc ar idirdhealú;
- (7) anailís ar a éifeachtaí ar chur chun cinn na forbartha inbhuanaithe, i gcás inarb iomchuí;
- (8) a fhorálacha cur chun feidhme, lena n-áirítear an méid seo a leanas:
 - (a) ainmniú an tairbhí a bheidh freagrach as cur chun feidhme an chomhphlean gníomhaíochta, agus ráthaíochtaí á thabhairt ar a inniúlacht sa réimse lena mbaineann chomh maith lena acmhainní riaracháin agus bainistíochta airgeadais;

- (b) na socruithe chun an comhphlean gníomhaíochta a stiúradh, i gcomhréir le hAirteagal 108;
- (c) na socruithe chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an gcomhphlean gníomhaíochta, lena n-áirítear socruithe lena ndeimhnítear cáilíocht, bailiú agus stóráil sonraí maidir le garspriocanna, aschur agus torthaí a bhaint amach;

- (d) na socruithe lena n-áirítear go scaipfear faisnéis agus ábhar cumarsáide maidir leis an gcomhphlean gníomhaíochta agus maidir leis na Cistí;

(9) a shocruithe airgeadais, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- (a) na costais a bheidh i gceist chun garspriocanna, spriocanna aschuir agus torthaí a bhaint amach ag féachaint do phointe (2), bunaithe ar na modhanna a leagtar amach in Airteagal 67(5) den Rialachán seo agus in Airteagal 14 de Rialachán CSE;
- (b) sceideal tásach na n-íocaíochtaí leis an tairbhí atá nasctha leis na garspriocanna agus na spriocanna;
- (c) an plean maoinithe de réir clár oibríochtúil, aise tosaíochta, lena n-áirítear an méid iomlán incháilithe agus méid an chaiteachais phoiblí.

Déanfaidh an Coimisiún, d'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos formáid na samhla le haghaidh an chomhphlean gníomhaíochta. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 150(2).

Airteagal 107

Cinneadh maidir leis an gcomhphlean gníomhaíochta

1. Tabharfaidh an Coimisiún breithmheas ar an gcomhphlean gníomhaíochta ar bhonn na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 106 d'fhonn a chinneadh an bhfuil údar maith leis an tacaíocht ó na Cistí.

I gcás ina measann an Coimisiún, laistigh de dhá mhí tar éis togra le haghaidh comhphlean gníomhaíochta a bheith curtha isteach, nach gcomhlíonann sé riachtanais an bhreithmheasa dá dtagraítear in Airteagal 104, tabharfaidh sé barúlacha don Bhallstát. Soláthróidh an Ballstát gach faisnéis bhreise is gá arna hiarraidh ag an gCoimisiún agus, i gcás inarb iomchuí, leasóidh sé an comhphlean gníomhaíochta dá réir sin.

2. Ar choinníoll gur cuireadh aon bharúlacha san áireamh go leormhaith, glacfaidh an Coimisiún cinneadh, trí bhithin gnímh cur chun feidhme, lena formheasfar an comhphlean gníomhaíochta tráth nach déanaí ná ceithre mhí tar éis don Bhallstát é a chur isteach, ach i ndiaidh na clár oibríochtúla lena mbaineann a bheith glactha.

3. Déanfar tairbhí agus cuspóirí ginearálta agus sainchuspóirí an chomhphlean gníomhaíochta, na garspriocanna agus na spriocanna aschuir agus torthaí, na costais a bheidh i gceist leis na garspriocanna, na haschuir agus na spriocanna torthaí sin a bhaint amach, agus an plean maoinithe de réir clár oibríochtúil agus aise tosaíochta, lena n-áirítear an méid iomlán incháilithe agus méid chaiteachas an phobail, tréimhse cur chun feidhme an chomhphlean gníomhaíochta agus, i gcás inarb ábhartha, cuimsiú geografach agus spriocghrúpaí an chomhphlean gníomhaíochta, a thabhairt le fios sa chinneadh dá dtagraítear i mír 2.

4. I gcás ina ndíuláíonn an Coimisiún, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme, tacaíocht ó na Cistí a cheadú le leithdháileadh ar chomhphlean gníomhaíochta, cuirfidh sé na cúiseanna leis sin in iúl don Bhallstát laistigh den tréimhse atá leagtha síos i mír 2.

Airteagal 108

Coiste stiúrtha agus leasú ar an gcomhphlean gníomhaíochta

1. Bunóidh an Ballstát nó an t-údarás bainistíochta coiste stiúrtha le haghaidh an chomhphlean gníomhaíochta, a bheidh ina choiste ar leithligh ó choiste faireacháin na glár oibríochtúil. Tiocfaidh an coiste stiúrtha le chéile dhá uair sa bhliain ar a laghad agus déanfaidh sé tuarascáil don údarás bainistíochta. Cuirfidh an t-údarás bainistíochta an Coiste Faireacháin ábhartha ar an eolas maidir le torthaí a rinne an Coiste Stiúrtha agus maidir leis an dul chun cinn i dtaobh chur i bhfeidhm an chomhphlean gníomhaíochta i gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 110(1) agus le pointe (a) d'Airteagal 125(2).

Socróidh an Ballstát comhdhéanamh an choiste stiúrtha i gcomhaontú leis an údarás bainistíochta ábhartha agus tabharfar aird ar phrionsabal na comhpháirtíochta.

Féadfaidh an Coimisiún páirt a ghlacadh, i gcáil comhairleora, in obair an choiste stiúrtha.

2. Déanfaidh an coiste stiúrtha na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- (a) déanfaidh sé athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le garspriocanna, aschur agus torthaí an chomhphlean gníomhaíochta a bhaint amach;
- (b) togra ar bith chun leasú a dhéanamh ar an gcomhphlean gníomhaíochta a mheas agus, i gcás inarb iomchuí, a fhormheas d'fhonn aon saincheisteanna a dhéanfaidh difear dá fheidhmíocht a chur san áireamh.

3. Déanfar iarrataí ar chomhphleananna gníomhaíochta a leasú, arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag Ballstát, a chuí-réasúnú. Déanfaidh an Coimisiún measúnú féachaint an bhfuil údar maith leis an iarraidh ar leasú, agus cuirfidh sé an fhaisnéis arna soláthar ag an mBallstát san áireamh. Féadfaidh an Coimisiún barúlacha a thabhairt agus soláthróidh an Ballstát an fhaisnéis bhreise ar fad is gá don Choimisiún. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme, maidir le hiarraidh ar leasú tráth nach déanaí ná trí mhí i ndiaidh don Bhallstát í a chur faoina bhráid, ar choinníoll go mbeidh aon

bharúlacha a bheidh tugtha ag an gCoimisiún curtha san áireamh go cuí. Tiocfaidh an leasú i bhfeidhm ó dháta an chinnidh, mura bhfuil a mhálairt leagtha amach sa chinneadh.

Airteagal 109

Bainistíocht airgeadais agus rialú an chomhphlean gníomhaíochta

1. Déanfar íocaíochtaí le tairbhí comhphlean gníomhaíochta a láimhseáil mar chnapshuimeanna nó mar scálaí caighdeánacha de chostais aonaid. Ní bheidh feidhm ag an uasteorainn le haghaidh cnapshuimeanna atá leagtha amach i bpointe (c) d'Airteagal 67(1).

2. Beidh bainistíocht airgeadais, rialú agus iniúchadh an chomhphlean gníomhaíochta dírithe go heisiach ar fhíorú a dhéanamh go bhfuil na coinníollacha maidir le híocaíochtaí atá sainithe sa chinneadh lena bhformheastar an chomhphlean gníomhaíochta comhlíonta.

3. Féadfaidh tairbhí an chomhphlean gníomhaíochta agus na comhlachtaí atá faoina fhreagracht a gcleachtais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm maidir le costais na n-oibríochtaí cur chun feidhme. Ní bheidh na cleachtais chuntasaíochta sin ná na costais arna dtabhú iarbhair ag an tairbhí faoi réir a n-iníochta ag an údarás iniúchóireachta ná ag an gCoimisiún.

TEIDEAL III

FAIREACHÁN, MEASTÓIREACHT, FAISNÉIS AGUS CUMARSÁID

CAIBIDIL I

Faireachán agus meastóireacht

Airteagal 110

Feidhmeanna an choiste faireacháin

1. Déanfaidh an coiste faireacháin an méid seo a leanas a scrúdú go háirithe:

- (a) aon saincheisteanna a dhéanann difear d'fheidhmíocht an chláir oibríochtúil;
- (b) an dul chun cinn atá déanta maidir leis an bplean meastóireachta agus na bearta leantacha a dhéantar maidir le torthaí na meastóireachtaí a chur chun feidhme;
- (c) cur chun feidhme na straitéise cumarsáide;
- (d) cur chun feidhme mórthionscadal;
- (e) cur chun feidhme comhphleananna gníomhaíochta;
- (f) gníomhaíochtaí chun comhionannas idir fir agus mná, comhdheiseanna, agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn, lena n-áirítear inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas;
- (g) gníomhaíochtaí chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn;
- (h) i gcás na gcoinníollachtaí ex ante is infheidhme nach mbeidh comhlíonta ar an dáta a ndéanfar an Comhaontú Comhpháirtíochta agus an clár oibríochtúil a thíolacadh, dul chun cinn maidir leis na gníomhaíochtaí chun na coinníollachtaí ex ante is infheidhme a chomhlíonadh.
- (i) ionstraimí airgeadais.

2. De mhaolú ar Airteagal 49(3), déanfaidh an coiste faireacháin an méid seo a leanas a scrúdú agus a fhorghnas:

- (a) an mhodheolaíocht agus na critéir a úsáidtear chun oibríochtaí a roghnú;
- (b) na tuarascálacha bliantúla agus na tuarascálacha deiridh ar chur chun feidhme;
- (c) an t-plean meastóireachta don chlár oibríochtúil agus aon leasú ar an t-plean sin, lena n-áirítear nuair is cuid de chomhphlean meastóireachta é aon cheann díobh de bhun Airteagal 114(1);
- (d) an straitéis cumarsáide le haghaidh an chláir oibríochtúil agus leasú ar bith ar an straitéis;
- (e) togra ar bith ón údarás bainistíochta maidir le leasú ar bith ar an gclár oibríochtúil.

Airteagal 111

Tuarascálacha ar chur chun feidhme maidir le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post

1. Faoi 31 Bealtaine 2016 agus faoi dáta céanna de gach bliain ina dhiaidh sin go dtí 2023, agus an bhliain sin san áireamh, cuirfidh an Ballstát tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 50(1). Cumhdófar na blianta airgeadais 2014 agus 2015, chomh maith leis an tréimhse idir an dáta tosaigh le haghaidh incháilitheachta caiteachais agus an 31 Nollaig 2013, sa tuarascáil a chuirfear isteach in 2016.

2. Maidir leis na tuarascálacha a dhéanfar a thíolacadh in 2017 agus in 2019, is é an 30 Meitheamh a bheidh mar an spriocdháta dá dtagraítear i mír 1.

3. Leagfar amach faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas sna tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme:

- (a) cur chun feidhme an chláir oibríochtúil i gcomhréir le hAirteagal 50(2);
- (b) dul chun cinn ó thaobh mórthionscadail agus comhphleananna gníomhaíochta a ullmhú agus a chur chun feidhme.

4. Sna tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme a chuirfear isteach in 2017 agus in 2019, leagfar amach an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 50(4) agus (5) faoi seach agus an fhaisnéis a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo i dteannta na faisnéise seo a leanas:

- (a) an dul chun cinn atá déanta maidir leis an gcomhphlean gníomhaíochta a chur chun feidhme agus na bearta leantacha a dhéantar maidir le torthaí na meastóireachtaí;
- (b) torthaí na mbeart faisnéise agus poiblíochta maidir leis na Cistí a dtugtar fúthu faoin straitéis cumarsáide;
- (c) rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe i gcur chun feidhme, i bhfaireachán agus i meastóireacht an chláir oibríochtúil.

Féadfaidh na tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme a chuirfear isteach in 2017 agus in 2019, ag brath ar ábhar

agus ar chuspóirí clár oibríochtúil, faisnéis a leagan amach agus measúnú a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

- (a) an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme an chur chuige chomhtháite maidir le forbairt chríochach, lena n-áirítear forbairt réigiún a chaithfidh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha agus ar bhaic bhuaana nó nádúrtha, forbairt uirbeach inbhuanaithe, agus forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail faoin gclár oibríochtúil;
- (b) an dul chun cinn atá déanta maidir le gníomhaíochtaí a chur chun feidhme d'fhonn dlús a chur faoi chumas údarás agus thairbhíthe na mBallstát na Cistí a riar agus a úsáid;
- (c) an dul chun cinn atá déanta maidir le gníomhaíochtaí idir-réigiúnacha agus trasnáisiúnta ar bith a chur chun feidhme;
- (d) i gcás inarb iomchuí, an rannchuidiú le straitéisí macraire-ígiúnacha agus imchuacha farraige;
- (e) na gníomhaíochtaí sonracha arna nglacadh chun comhionannas idir fir agus mná a chur chun cinn agus chun idirdhealú a chosc, go háirithe inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas, agus na socruithe arna gcur chun feidhme lena áirithiú go ndéanfaí gné na hinscne a chomhtháthú sa chlár oibríochtúil agus in oibríochtaí;
- (f) gníomhaíochtaí arna ndéanamh chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 8;
- (g) an dul chun cinn atá déanta maidir le gníomhaíochtaí a chur chun feidhme i réimse na nuálaíochta sóisialta, i gcás inarb iomchuí;
- (h) an dul chun cinn i gcur chun feidhme na mbeart chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na limistéir geografach is mó a ndéanann an bhochtaineacht difear dóibh nó na spriocghrúpaí is mó atá i mbaol bochtaineachta, idirdhealaithe nó eisiaimh shóisialta, agus aird faoi leith á thabhairt ar phobail imeallaithe agus ar dhaoine faoi mhíchumas, ar dhaoine atá difhostaithe go fadtéarmach agus ar dhaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, na hacmhainní airgeadais a úsáidtear.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír agus ar an dara fhomhír, agus chun comhsheasmhacht a áirithiú idir an Comhaontú Comhpháirtíochta agus an tuarascáil ar dhul chun cinn, féadfaidh na Ballstáit nach bhfuil níos mó ná clár oibríochtúil amháin acu in aghaidh an Chiste an fhaisnéis maidir leis na coinníolachtaí ex ante dá dtagraítear in Airteagal 50(3), an fhaisnéis a éilítear le hAirteagal 50(4) agus an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b), i bpointe (c) agus i bpointe (h) den chéad fhomhír den mhír seo a áireamh sa tuarascáil ar dhul chun cinn in ionad na dtuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme a chuirfear isteach in 2017 agus in 2019 faoi seach agus an tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme faoi seach, gan dochar do phointe (b) d'Airteagal 110(2).

5. Déanfaidh an Coimisiún, d'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunófar na samhlacha do na tuarascálacha bliantúla agus deiridh ar chur chun feidhme. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 150(2).

Airteagal 112

Sonraí airgeadais a tharchur

1. Faoi 31 Eanáir, faoi 31 Iúil agus faoi 31 Deireadh Fómhair, déanfaidh an Ballstát an méid seo a leanas a tharchur go leictreonach chuig an gCoimisiún chun críocha faireacháin, le haghaidh gach cláir oibríochtúil agus de réir aise tosaíochta:

- (a) costas poiblí iomlán agus costas poiblí incháilithe na n-oibríochtaí agus líon na n-oibríochtaí arna roghnú le haghaidh tacaíochta;
- (b) an caiteachas iomlán incháilithe arna dhearbhu ag tairbhíthe don údarás bainistíochta.

2. Ina theannta sin, beidh na sonraí thuasluaite, agus iad miondealaithe de réir catagóire idirghabhála, ar áireamh sa tarchur a dhéanfar faoi 31 Eanáir. Measfar go gcomhlíonfar an ceanglas maidir le sonraí airgeadais a thíolacadh, dá dtagraítear in Airteagal 50(2), leis an tarchur sin.

3. Beidh ag gabháil leis na tarchuir a dhéanfar faoi 31 Eanáir agus faoi 31 Iúil réamh-mheastachán ar an méid a mbeidh sé beartaithe ag Ballstáit iarratais ar íocaíocht a chur isteach ina leith, le haghaidh na bliana airgeadais reatha agus na bliana airgeadais ina dhiaidh sin.

4. Is é deireadh na míosa roimh an mí ina gcuirtear isteach na sonraí an spriocdháta le haghaidh na sonraí arna gcur isteach faoi Airteagal seo.

5. Déanfaidh an Coimisiún, d'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunófar an tsamhail a bheidh le húsáid agus na sonraí airgeadais á gcur faoi bhráid an Choimisiúin chun críocha faireacháin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 150(3).

Airteagal 113

Tuarascáil faoin gComhtháthú

Áireofar an méid seo a leanas i dtuarascáil an Choimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 175 CFAE:

- (a) taifead ar an dul chun cinn atá déanta maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, lena n-áirítear an staid shocheacnamaíoch agus forbairt na réigiún, chomh maith le comhtháthú thosaíochtaí an Aontais;
- (b) taifead ar ról na gCistí, chistíú BEI agus na n-ionstraimí eile, mar aon leis an tionchar a bhí ag beartais eile an Aontais agus ag beartais náisiúnta eile, ar an dul chun cinn atá déanta.

- (c) i gcás inarb iomchuí tásca ar na bearta agus ar na beartais a bheidh ann amach anseo de chuid an Aontais a bheidh riachtanach chun comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a neartú, chomh maith le tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach.

Airteagal 114

Meastóireacht

1. Déanfaidh an t-údarás bainistíochta nó Ballstát plean meastóireachta a tharraingt suas le haghaidh cláir oibríochtúil amháin nó níos mó. Cuirfead an plean meastóireachta faoi bhráid an choiste faireacháin tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis ghlacadh an chláir.

2. Faoi 31 Nollaig 2022, cuirfidh na húdaráis bhainistíochta tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin, le haghaidh gach cláir, agus tabharfar achoimre sa tuarascáil sin ar thorthaí na meastóireachtaí arna ndéanamh le linn na clárthréimhse, agus ina mbeidh príomhaschuir agus príomhthorthaí an chláir, ag tabhairt barúlacha ar an bhfaisnéis atá á tuairisciú.

3. Déanfaidh an Coimisiún meastóireachtaí ex post i ndlíth-chomhar leis na Ballstáit agus na húdaráis bhainistíochta.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 1 agus mír 2 den Airteagal seo maidir leis na cláir thiomnaithe dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 39(4).

CAIBIDIL II

Faisnéis agus cumarsáid

Airteagal 115

Faisnéis agus cumarsáid

1. Beidh na Ballstáit agus na húdaráis bhainistíochta freagrach as an méid seo a leanas:

- (a) straitéisí cumarsáide a tharraingt suas;
- (b) a áirithiú go mbunófar láithreán Gréasáin aonair nó tairseach suímh Ghréasáin aonair ar a soláthrófar faisnéis agus rochtain ar gach clár oibríochtúil sa Bhallstát sin, lena n-áirítear faisnéis faoi uainiú chur chun feidhme an chláreagraithe agus aon phróiseas gaolmhar comhairliúcháin phoiblí;
- (c) tairbhíthe féideartha a chur ar an eolas faoi dheiseanna cistithe faoi chláir oibríochtúla;
- (d) ról agus éachtaí an bheartais chomhtháthaithe agus na gCistí a phoibliú do shaoránaigh an Aontais trí bhíthin gníomhaíochtaí cumarsáide agus faisnéise maidir le torthaí agus tionchar na gComhaontuithe Comhpháirtíochta, na gclár oibríochtúil agus na n-oibríochtaí.

2. D'fhonn trédhearcacht a áirithiú maidir le tacaíocht ó na Cistí, coinneoidh Ballstáit nó údaráis bhainistíochta liosta oibríochtaí de réir clár oibríochtúla agus de réir Ciste, i bhformáid scarbhileoige sonraí, lena bhféadfar na sonraí a shortáil, a chuardach, a bhaint amach, a chur i gcomparáid agus a phoibliú go héasca ar an idirlíon, mar shampla i bhformáid CSV nó XML. Beifear in ann rochtain a fháil ar an liosta d'oibríochtaí tríd an suíomh gréasáin aonair nó trí thairseach an tsuímh ghréasáin aonair ar a dtabharfar liosta agus achoimre de na clár oibríochtúla go léir sa Bhallstát sin.

D'fhonn an earnáil phríobháideach, an tsochaí shibhialta nó riarachán poiblí náisiúnta a spreagadh chun an liosta d'oibríochtaí a úsáid ina dhiaidh sin, féadfaidh an suíomh gréasáin na rialacha is infheidhme maidir le ceadúnú faoina bhfoilsítear na sonraí a léiriú.

Tabharfar an liosta oibríochtaí cothrom le dáta gach sé mhí ar a laghad.

Tá an fhaisnéis íosta atá le tabhairt sa liosta oibríochtaí leagtha síos in Iarscríbhinn XII.

3. Tá rialacha mionsonraithe maidir leis na bearta faisnéise agus cumarsáide don phobal agus maidir leis na bearta faisnéise d'iaratasóirí agus do thairbhíthe leagtha síos in Iarscríbhinn XII.

4. Déanfaidh an Coimisiún, d'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh a bhaineann le saintréithe teicniúla na mbearta faisnéise agus cumarsáide le haghaidh na hoibríochta agus treoracha maidir leis an bhfeathal a chruthú agus sainiú ar na dathanna caighdeánacha. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 150(3).

Airteagal 116

Straitéis cumarsáide

1 Déanfaidh an Ballstát nó na húdaráis bhainistíochta straitéis cumarsáide a tharraingt suas le haghaidh gach clár oibríochtúil. Féadfar comhstraitéis cumarsáide a tharraingt suas le haghaidh roinnt clár oibríochtúil. Leis an straitéis cumarsáide cuirfear méid an chláir oibríochtúil lena mbaineann nó méid na gclár oibríochtúil lena mbaineann san áireamh i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta.

Áireofar sa straitéis cumarsáide na gnéithe a leagtar amach in Iarscríbhinn XII.

2. Cuirfear an straitéis cumarsáide faoi bhráid an choiste faireacháin lena formheas i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 110(2) tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis ghlacadh an chláir oibríochtúil lena mbaineann nó na gclár oibríochtúil lena mbaineann.

I gcás ina dtarraingeofar comhstraitéis cumarsáide suas le haghaidh roinnt clár oibríochtúil agus go mbainfidh sí le roinnt coistí faireacháin, féadfaidh an Ballstát coiste faireacháin

amháin a ainmniú a mbeidh an fhreagracht uirthi, i gcomhairliúchán leis na coistí faireacháin ábhartha eile, an chomhstraitéis cumarsáide a fhorhmeas agus aon leasuithe a dhéanfar ar an straitéis sin ina dhiaidh sin a fhorhmeas.

I gcás inarb gá, féadfaidh an Ballstát nó na húdaráis bhainistíochta leasú a dhéanamh ar an straitéis cumarsáide i rith na clárthréimhse. Cuirfidh an t-údarás bainistíochta an straitéis cumarsáide leasaithe faoi bhráid an choiste faireacháin le go bhformheasfar í i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 110(2).

3. De mhaolú ar an tríú fómhír de mhír 2, déanfaidh an t-údarás bainistíochta, i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 100(1), an coiste faireacháin atá freagrach nó na coistí faireacháin atá freagrach a chur ar an eolas uair sa bhliain ar a laghad, faoin dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na straitéise cumarsáide dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 110(1) agus faoina anailís ar na torthaí agus faoi na gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bheartaítear a chur i gcrích an bhliain dar gcionn. Déanfaidh an coiste faireacháin, má mheasann sé gurb íomchuí é sin a dhéanamh, tuairim a thabhairt uaidh faoi na gníomhaíochtaí beartaithe don bhliain dar gcionn.

Airteagal 117

Oifigigh faisnéise agus cumarsáide agus a líonraí

1. Ainmneoidh gach Ballstát oifigeach faisnéise agus cumarsáide chun comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide maidir le Ciste amháin nó níos mó, lena n-áirítear clár ábhartha faoi sprioc an chláir chríochoigh Eorpaigh, agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas dá réir sin.

2. Beidh an t-oifigeach faisnéise agus cumarsáide freagrach as an líonra náisiúnta de chumarsáidithe Cistí a chomhordú, más ann don líonra sin, cruthú agus cothabháil an láithreáin Ghréasáin nó na tairisí láithreáin Ghréasáin dá dtagraítear in Iarscríbhinn XII agus as forbheathnú a sholáthar ar na bearta cumarsáide a dhéanfar ar leibhéal an Bhallstáit.

3. Ainmneoidh gach údarás bainistíochta duine amháin a bheidh freagrach as faisnéis agus cumarsáid ar leibhéal an chláir oibríochtúil agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi na daoine ainmnithe sin. I gcás inarb íomchuí, féadfar duine amháin a ainmniú le haghaidh roinnt clár oibríochtúil éagsúil.

4. Bunóidh an Coimisiún líonraí an Aontais ina mbeidh na comhaltaí arna n-ainmniú ag na Ballstáit chun malartú faisnéise maidir le torthaí chur chun feidhme na straitéisí cumarsáide a áirithiú, mar aon leis an taithí a fuarthas agus na bearta faisnéise agus cumarsáide á gcur chun feidhme a roinnt ar a chéile, agus malartú dea-chleachtas.

TEIDEAL IV

CÚNAMH TEICNIÚIL

Airteagal 118

Cúnamh teicniúil ar thionscnamh an Choimisiúin

Féadfaidh na Cistí, agus na hasbhaintí a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 91(3) á gcur san áireamh acu, tacú le cúnamh teicniúil go dtí uasteorainn 0,35 % den leithdháileadh bliantúil a fhaigheann siad faoi seach.

*Airteagal 119***Cúnamh teicniúil na mBallstát**

1. Beidh méid na gCistí arna leithdháileadh ar chúnamh teicniúil teoranta do 4 % de mhéid iomlán na gCistí arna leithdháileadh ar chlár oibríochtúla i mBallstát faoi gach catagóir réigiún, i gcás inarb infheidhme, faoi chuimsiú sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post.

Féadfaidh Ballstát an leithdháileadh sonrath le haghaidh TFAO a chur san áireamh agus an teorainn ar mhéid iomlán na gCistí arna leithdháileadh do chúnamh teicniúil an Bhallstáit á ríomh.

2. Féadfaidh gach ceann de na Cistí oibríochtaí cúnamh teicniúil atá incháilithe faoi cheann ar bith de na Cistí eile a mhaoiniú. Gan dochar do mhír 1, ní bheidh an leithdháileadh le haghaidh cúnamh teicniúil ó Chiste níos mó ná 10 % de leithdháileadh iomlán an Chiste sin ar chlár oibríochtúla i mBallstát faoi gach catagóir réigiún, i gcás inarb infheidhme, faoi chuimsiú sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post.

3. De mhaolú ar Airteagal 70(1) agus (2), féadfar oibríochtaí cúnamh teicniúil a chur chun feidhme lasmuigh de limistéar an chláir, ach laistigh den Aontas, ar choinníoll gur chun leasa an chláir oibríochtúil na hoibríochtaí, nó i gcás cláir oibríochtúil cúnamh teicniúil i gcomhair na gclár eile lena mbaineann.

4. Maidir leis na Cistí Struchtúracha, i gcás ina n-úsáidtear na leithdháilítí dá dtagraítear i mír 1 chun tacú le hoibríochtaí cúnamh teicniúil a bhaineann le níos mó ná catagóir amháin réigiúin, féadfar an caiteachas a bhaineann leis na hoibríochtaí a chur chun feidhme faoi ais tosaíochta a thugann le chéile catagóirí éagsúla réigiúin agus a bheith inchurtha ina leith ar bhonn pro rata agus an leithdháileadh faoi gach réigiún mar sciar de leithdháileadh iomlán don Bhallstát á chur san áireamh.

5. De mhaolú ar mhír 1, sa chás nach mó ná EUR 1 000 000 000 méid iomlán na gCistí a leithdháiltear ar Bhallstát faoi chuimsiú sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post, féadfaidh méadú suas go dtí 6 % den mhéid iomlán sin nó EUR 50 000 000, cibé acu is ísle, teacht ar an méid a leithdháiltear ar chúnamh teicniúil.

6. Is i bhfoirm aise tosaíochta aonchiste laistigh de chlár oibríochtúil nó i bhfoirm cláir oibríochtúil shonraigh a bheidh an cúnamh teicniúil, nó iad araon.

TEIDEAL V

TACAÍOCHT AIRGEADAIS Ó NA CISTÍ*Airteagal 120***Rátaí cómhaoinithe a chinneadh**

1. Socrófar an ráta cómhaoinithe agus uasmhéid na tacaíochta ó Chistí le haghaidh gach aise tosaíochta sa chinneadh ón gCoimisiún maidir le clár oibríochtúil a

ghlacadh. I gcás ina mbaineann ais tosaíochta le níos mó ná catagóir amháin réigiún nó le níos mó ná Ciste amháin, socrófar leis an gcinneadh ón gCoimisiún, i gcás inar gá sin, an ráta cómhaoinithe de réir catagóire réigiúin agus Ciste.

2. I gcás gach aise tosaíochta, leagfar amach sa chinneadh ón gCoimisiún an gcuirfeadh an ráta cómhaoinithe le haghaidh na haise tosaíochta i bhfeidhm maidir leo seo a leanas:

(a) caiteachas iomlán incháilithe, lena n-áirítear caiteachas poiblí agus príobháideach; nó

(b) caiteachas poiblí incháilithe.

3. Ní bheidh an ráta cómhaoinithe ar leibhéal gach aise tosaíochta agus, i gcás inarb ábhartha, de réir catagóire réigiúin agus Ciste, de chlár oibríochtúla faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post níos airde ná:

(a) 85 % maidir leis an gCiste Comhtháthaithe;

(b) 85 % maidir le réigiúin lagfhorbartha na mBallstát a raibh a meán-OTI per capita sa tréimhse 2007 go 2009 níos ísle ná 85 % de mheán AE-27 le linn na tréimhse céanna agus maidir leis na réigiúin is forimeallaí lena n-áirítear an leithdháileadh breise do na réigiúin is forimeallaí i gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 92(1) agus le hAirteagal 4(2) de Rialachán CCE;

(c) 80 % maidir le réigiúin lagfhorbartha na mBallstát seachas na réigiúin sin dá dtagraítear i bpointe (b), agus maidir leis na réigiúin uile a raibh a OTI per capita úsáidte mar chritéar incháilitheacht do chlárthréimhse 2007-2013 níos ísle ná 75 % de mheán AE-25 ach a bhfuil a OTI per capita os cionn 75 % de mheán-OTI AE-27, agus freisin maidir leis na réigiúin arna sainiú in Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1083/2006 a fuair tacaíocht trasdula do chlárthréimhse 2007-2013;

(d) 60 % maidir le réigiúin trasdula seachas na réigiúin sin dá dtagraítear i bpointe (d);

(e) 50 % maidir le réigiúin níos forbartha seachas na réigiúin sin dá dtagraítear i bpointe (c).

Le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 30 Meitheamh 2017, ní bheidh an ráta cómhaoinithe ar leibhéal gach aise tosaíochta i gcomhair na gclár oibríochtúil go léir sa Chipir níos airde ná 85 %.

Tabharfaidh an Coimisiún faoi athbhreithniú chun measúnú a dhéanamh ar an mbonn cirt a bheidh leis an ráta cómhaoinithe sin, dá dtagraítear sa dara fómhír, a choinneáil tar éis an 30 Meitheamh 2017 agus déanfaidh sé togra reachtach, más gá, roimh an 30 Meitheamh 2016.

Ní bheidh an ráta cómhaoinithe ar leibhéal gach aise tosaíochta de chlár oibríochtúla faoi sprioc an chomhair chríocheaigh Eorpaigh níos airde ná 85 %.

Déanfar an t-íosráta cómhaoinithe faoi phointí (b), (c), (d) agus (e) den chéad fhomhír a mhéadú le haghaidh gach aise tosaíochta lena gcuirtear TFAO chun feidhme agus i gcás ina mbeidh ais tosaíochta tiomnaithe do nuálaíocht shóisialta nó do chomhar trasnáisiúnta, nó do theaghlaim den dá cheann. Déanfar an méadú sin a chinneadh i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha.

4. Maidir leis an ráta cómhaoinithe don leithdháileadh breise i gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 84(1)(e), ní bheidh sé níos airde ná 50 % le haghaidh réigiúin leibhéal NUTS 2 a chomhlíonann na critéir a leagtar síos i bPrótocal Uimh. 6 a ghabhann le hIonstraim Aontachais 1994.

5. Déanfar an t-uasráta cómhaoinithe faoi mhír 3 ar leibhéal na haise tosaíochta a mhéadú faoi dheich bpointe céatadán, i gcás ina ndéantar ais tosaíochta iomlán a sheachadadh trí ionstraimí airgeadais, nó trí fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail.

6. Ní bheidh an ranníocaíocht ó na Cistí le haghaidh gach aise tosaíochta níos lú ná 20 % den chaiteachas poiblí incháilithe.

7. Féadfar ais tosaíochta ar leithligh lena mbaineann ráta cómhaoinithe suas le 100 % a bhunú faoi chuimsiú cláir oibríochtúil chun tacú le hoibríochtaí arna gcur chun feidhme trí bhithin ionstraimí airgeadais arna mbunú ar leibhéal an Aontais agus arna mbainistiú go díreach nó go hindíreach ag an gCoimisiún. I gcás ina mbunaítear ais tosaíochta ar leithligh chun na críche sin, ní féidir an tacaíocht faoin ais sin a chur chun feidhme ar aon bhealach eile.

Airteagal 121

Na rátaí cómhaoinithe a mhodhnú

Féadfar an ráta cómhaoinithe ó na Cistí chuig ais tosaíochta a mhodhnú chun an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- (1) tábhacht na haise tosaíochta chun straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a chur i gcrích, ag féachaint do na bearnaí sonracha is gá aghaidh a thabhairt orthu;
- (2) cosaint agus feabhsú an chomhshaoil, go háirithe trí phrionsabal an réamhchúraim, trí phrionsabal na gníomhaíochta coiscthe agus tríd an bprionsabal 'íoc mar a thruaillítear' a chur i bhfeidhm;
- (3) ráta úsáidte an mhaoinithe phríobháidigh;
- (4) cuimsiú limistéar ag a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha arna sainiú mar seo a leanas:
 - (a) Ballstáit oileánacha atá incháilithe faoin gCiste Comhtháthaithe, agus oileáin eile seachas na cinn sin ar a bhfuil príomhchathair an Bhallstáit suite nó a bhfuil nasc ceangailte acu leis an mórtáir;
 - (b) limistéir shléibhteacha de réir mar a shainítear i reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit;
 - (c) limistéir faoi líon beag daoine (i.e. níos lú ná 50 cónaitheoir in aghaidh an chiliméadair chearnaigh) agus limistéir faoi líon fíorbheag daoine (níos lú ná 8 cónaitheoirí in aghaidh an chiliméadair chearnaigh);

(d) cuimsiú na réigiún is forimeallaí amhail dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE.

CUID A CEATHAIR

FORÁLACHA GINEARÁLTA IS INFHEIDME MAIDIR LEIS NA CISTÍ AGUS LE CEMI

TEIDEAL I

BAINISTÍOCHT AGUS RIALÚ

CAIBIDIL I

Córais bhainistíochta agus rialaithe

Airteagal 122

Freagrachtaí na mBallstát

1. Áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfar córais bhainistíochta agus rialaithe le haghaidh na gclár oibríochtúil a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 72, le hAirteagal 73 agus le hAirteagal 74.

2. Déanfaidh na Ballstáit neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a cheartú agus gnóthóidh siad méideanna a íocadh go míchuí, mar aon le hús ar bith ar íocaíochtaí déanacha. Cuirfidh siad neamhrialtachtaí ar mó iad ná EUR 10 000 maidir le ranníocaíocht ó na Cistí in iúl don Choimisiún agus coimeádfaidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi dhul chun cinn suntasach a bheidh ar na himeachtaí riaracháin agus dlíthiúla.

Ní chuirfidh na Ballstáit neamhrialtachtaí maidir leis an méid seo a leanas in iúl don Choimisiún:

- (a) cásanna nach mbeidh sa neamhrialtacht sin ach mainneachtain oibríocht a chur i gcrích, ina hiomláine nó go páirteach, arb oibríocht í atá san áireamh sa chlár oibríochtúil cómhaoinithe de bharr fhéimheacht an tairbhí;
- (b) cásanna ina dtarraingeoidh an tairbhí aird an údaráis bhainistíochta nó an údaráis deimhniúcháin orthu go deonach agus roimh é a bhrath ag ceachtar de na húdaráis, cibé acu roimh an ranníocaíocht phoiblí a íoc nó ina dhiaidh sin;
- (c) cásanna a bhraitheann nó a cheartaíonn an t-údarás bainistíochta nó an t-údarás deimhniúcháin roimh an gcaiteachas lena mbaineann a chur i ráiteas an chaiteachais arna chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Sna cásanna eile go léir, go háirithe iad sin a thagann roimh fhéimheacht nó i gcásanna calaoise amhrasta, déanfar na neamhrialtachtaí arna mbrath agus na bearta coisctheacha agus ceartaítheacha lena mbaineann a thuairisciú don Choimisiún.

Nuair nach féidir méideanna a íocadh go míchuí le tairbhí a ghnóthú mar thoradh ar locht nó faillí ar thaobh an Bhallstáit, beidh an Ballstát freagrach as na méideanna lena mbaineann a aisíoc le buiséad ginearálta an Aontais. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan méideanna a íocadh go míchuí a ghnóthú mura mbeidh an méid atá le gnóthú ag an tairbhí, gan ús a bheith san áireamh, níos mó ná EUR 250 i ranníocaíocht ó na Cistí.

Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 149 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe breise maidir leis na critéir chun na cásanna neamhrialtachta a bheidh le tuairisciú a chinneadh, na sonraí a bheidh le soláthar agus na coinníollacha agus na nósanna imeacht a bheidh le cur i bhfeidhm chun a chinneadh an aisíocfaidh na Ballstáit na méideanna atá neamh-inghnóthaithe.

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme ina leagfar amach an mhiniúocht tuairiscithe ar neamhrialtachtaí agus an fhormáid tuairiscithe a bheidh le húsáid. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 150(2).

3. Áiríteoidh na Ballstáit gur féidir gach malartú faisnéise idir tairbhíthe agus údarás bainistíochta, údarás deimhniúcháin, údarás iniúchóireachta agus comhlachtaí idirmheánacha a chur i gcrích trí chórais mhalartaithe leictreonaigh sonraí tráth nach déanaí ná 31 Nollaig 2015.

Éascóidh na córais dá dtagraítear sa chéad fhomhír idir-inoibritheacht le creataí náisiúnta agus creataí an Aontais agus fágfadh siad go mbeidh na tairbhíthe in ann an fhaisnéis ar fad dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chur isteach i dtarchur amháin.

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos rialacha mionsonraithe maidir leis na malartuithe faisnéise faoin mír seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 150(3).

4. Ní bheidh feidhm ag mír 3 maidir le CEMI.

CAIBIDIL II

Na húdaráis bhainistíochta agus rialaithe

Airteagal 123

Údaráis a ainmniú

1. Déanfaidh gach Ballstát, údarás poiblí nó comhlacht poiblí náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil nó comhlacht príobháideach a ainmniú mar údarás bainistíochta le haghaidh gach clár oibríochtúil. Féadfar an t-údarás bainistíochta céanna a ainmniú le haghaidh níos mó ná clár oibríochtúil amháin.

2. Déanfaidh an Ballstát údarás poiblí nó comhlacht poiblí náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil a ainmniú mar údarás deimhniúcháin le haghaidh gach clár oibríochtúil, gan dochar do mhír 3. Féadfar an t-údarás deimhniúcháin céanna a ainmniú le haghaidh níos mó ná clár oibríochtúil amháin.

3. Féadfaidh an Ballstát údarás bainistíochta, atá ina údarás poiblí nó ina chomhlacht poiblí, a ainmniú le haghaidh clár oibríochtúil chun feidhmeanna an údaráis deimhniúcháin a chur i gcrích freisin.

4. Déanfaidh an Ballstát, údarás poiblí nó comhlacht poiblí náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, atá neamhspleách ó thaobh feidhme ar an údarás bainistíochta agus ar an údarás deimhniúcháin, a ainmniú mar údarás iniúchóireachta le haghaidh gach clár oibríochtúil. Féadfar an t-údarás iniúchóireachta céanna a ainmniú le haghaidh níos mó ná clár oibríochtúil amháin.

5. I gcás na gCistí a bhaineann le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus i gcás CEMI, ar choinníoll go n-urramaítear prionsabal na deighilte feidhmeanna, féadfaidh an t-údarás bainistíochta, an t-údarás deimhniúcháin, i gcás inarb infheidhme, agus an t-údarás iniúchóireachta a bheith mar chuid den údarás nó den comhlacht poiblí céanna.

I gcás ina bhfuil méid iomlán na tacaíochta ó na Cistí le clár oibríochtúil níos mó ná EUR 250 000 000, nó gur mó ná EUR 100 000 000 ó CEMI é, féadfaidh an t-údarás iniúchóireachta a bheith rannpháirteach san údarás nó sa chomhlacht poiblí céanna mar údarás bainistíochta más rud é, de bhun na bhforálacha is infheidhme don chlárthréimhse roimhe sin, go bhfuil sé curtha in iúl ag an gCoimisiún don Bhallstát roimh an dáta a nglacfar an clár oibríochtúil lena mbaineann go bhfuil sé tagtha ar an gconclúid go bhféadfaidh sé brath go príomha ar a thuairim iniúchóireachta, nó i gcás inar deimhin leis an gCoimisiún, ar bhonn thaithe na clárthréimhse roimhe sin, go dtugann eagrú institiúideach agus cuntasacht an údaráis iniúchóireachta ráthaíochtaí leormhaithe maidir lena neamhspleáchas agus lena hiontaofacht ó thaobh feidhme de.

6. Féadfaidh an Ballstát comhlacht idirmheánach amháin nó níos mó a ainmniú chun cúraimí áirithe de chuid an údaráis bhainistíochta agus de chuid an údaráis deimhniúcháin a dhéanamh faoi fhreagracht an údaráis sin. Déanfar na socruithe ábhartha idir an t-údarás bainistíochta nó an t-údarás deimhniúcháin agus na comhlachtaí idirmheánacha a thaifeadadh go foirmiúil i scríbhinn.

7. Féadfaidh an Ballstát nó an t-údarás bainistíochta an bhainistíocht ar chuid de chlár oibríochtúil a chur ar iontaobh comhlachta idirmheánaigh trí chomhaontú i scríbhinn idir an comhlacht idirmheánach agus an Ballstát nó an t-údarás bainistíochta ('deontas foriomlán'). Soláthróidh an comhlacht idirmheánach ráthaíochtaí maidir lena shócmhainneacht agus lena inniúlacht sa réimse lena mbaineann, agus maidir lena acmhainneacht bainistíochta riaracháin agus airgeadais.

8. Féadfaidh an Ballstát, ar a thionscnamh féin, comhlacht comhordaithe a ainmniú a mbeidh de fhreagracht air dul i dteagmháil leis an gCoimisiún agus faisnéis a thabhairt dó, gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí ainmnithe ábhartha eile a chomhordú agus an dlí is infheidhme a chur i bhfeidhm ar bhealach comhchuibhithe.

9. Leagfaidh an Ballstát amach i scríbhinn na rialacha lena rialaítear an caidreamh idir an Ballstát sin agus na húdaráis bhainistíochta, na húdaráis deimhniúcháin agus na húdaráis iniúchóireachta, an caidreamh idir na húdaráis sin, agus caidreamh na n-údarás sin leis an gCoimisiún.

Airteagal 124

Nós imeachta chun údarás bainistíochta agus údarás deimhniúcháin a ainmniú

1. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoi dháta agus chineál na n-ainmníochtaí, a bheidh déanta ar leibhéal cuí, maidir leis an údarás bainistíochta agus, i gcás inarb iomchuí, maidir leis an údarás deimhniúcháin sula gcuirtear an chéad iarratas ar íocaíocht eatramhach faoi bhráid an Choimisiúin.

2. Bunófar na hainmníochtaí dá dtagraítear i mír 1 ar thuarascáil agus ar thuairim ó chomhlacht iniúchóireachta neamhspleách a mheasann an gcomhlíonann na húdaráis na critéir, arna leagan amach in Iarscríbhinn XIII, agus a bhaineann leis an timpeallacht rialaithe inmheánach, bainistíocht riosca, gníomhaíochtaí bainistíochta agus gníomhaíochtaí rialaithe agus faireacháin. Is é an comhlacht iniúchóireachta neamhspleách, nó comhlacht eile a fheidhmíonn sa dlí poiblí nó príobháideach, a bheidh san údarás iniúchóireachta a bheidh neamhspleách ar an údarás bainistíochta agus, i gcás inarb infheidhme, neamhspleách ar an údarás deimhniúcháin freisin agus tabharfaidh sé faoina chuid oibre i gcaoi a lúfidh le caighdeáin iniúchóireachta atá inghlactha go hidirnáisiúnta. I gcás ina gcinneann an comhlacht iniúchóireachta neamhspleách gurb ionann go bunúsach an chuid sin den chóras bainistíochta agus rialaithe, a bhaineann leis an údarás bainistíochta nó leis an údarás deimhniúcháin, agus an chuid den chóras a bhí ann don chlárthréimhse roimhe sin, agus go bhfuil fianaise ann, ar bhonn oibre iniúchóireachta a rinneadh i gcomhréir leis na forálacha ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 agus de Rialachán (CE) Uimh. 1198/2006 ón gComhairle ⁽¹⁾, maidir lena bhfeidhmiú éifeachtach le linn na tréimhse sin, féadfaidh sé a chinneadh go bhfuil na critéir ábhartha comhlíonta cheana gan tabhairt faoi aon obair iniúchóireachta sa bhreis.

3. I gcás inar mó méid iomlán na tacaíochta ó na Cistí maidir le clár oibríochtúil ná EUR 250 000 000 nó inar mó méid na tacaíochta ó CAI ná EUR 100 000 000, laistigh de mhí 6 chuirtear na hainmníochtaí dá dtagraítear i mír 1 in iúl dó, féadfaidh an Coimisiún an tuarascáil agus an tuairim ón gcomhlacht iniúchóireachta neamhspleách dá dtagraítear i mír 2 a iarraidh agus féadfaidh sé cur síos ar na feidhmeanna agus nósanna imeachta atá i bhfeidhm ag an údarás bainistíochta a iarraidh chomh maith nó, i gcás inarb iomchuí, iad siúd atá i bhfeidhm ag an údarás deimhniúcháin. Cinnteoidh an Coimisiún an iarrfar na doiciméid sin ar bhonn a mheasúnaithe riosca, lena gcuirfeadh san áireamh aon fhaisnéis atá ar fáil maidir le hathruithe suntasacha i bhfeidhmeanna agus nósanna imeachta an údaráis bhainistíochta nó, i gcás inarb iomchuí, an údaráis deimhniúcháin i gcomparáid leis an gclárthréimhse roimhe sin agus maidir le haon fhianaise ábhartha faoina bhfeidhmiú éifeachtach chomh maith.

Féadfaidh an Coimisiún barúlacha a thabhairt laistigh de dhá mhí ó na doiciméid dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fháil. Gan dochar d'Airteagal 83, ní chuirfidh an scrúdú ar na doiciméid sin isteach ar láimhseáil na n-iarraitaí ar íocaíochtaí eatramhacha.

4. I gcás inar mó méid iomlán na tacaíochta ó na Cistí maidir le clár oibríochtúil ná EUR 250 000 000 nó i gcás inar mó méid iomlán na tacaíochta ó CEMI ná EUR 100 000 000 agus nuair atá athruithe suntasacha i bhfeidhmeanna agus nósanna imeachta an údaráis bhainistíochta nó, i gcás inarb iomchuí, an údaráis deimhniúcháin i gcomparáid leis an gclárthréimhse roimhe sin, laistigh de dhá mhí i ndiaidh dó na hainmníochtaí dá dtagraítear i mír 1 a chur in iúl don Choimisiún féadfaidh an Ballstát, ar a thionscnamh féin, na doiciméid dá dtagraítear i mír 3 a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Tabharfaidh an Coimisiún barúlacha maidir leis na doiciméid sin laistigh de thrí mhí tar éis dó iad a fháil.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1198/2006 an 27 Iúil 2006 maidir leis an gCiste Eorpach Iascaigh (IO L 223, 15.8.2006, lch. 1).

5. I gcás ina léiríonn torthaí rialaithe agus iniúchóireachta nach gcomhlíonann an t-údarás ainmnithe na critéir dá dtagraítear i mír 2 a thuilleadh, socróidh an Ballstát tréimhse phromhaidh a bheidh comhréireach le tromchúis na faidhbe agus tabharfar faoi bhearta leasúcháin le linn na tréimhse sin, déanfaidh an Ballstát seo ar leibhéal cúí.

I gcás ina mainníonn an t-údarás ainmnithe na bearta leasúcháin a chur i bhfeidhm laistigh den tréimhse phromhaidh arna chinneadh ag an mBallstát, cuirfidh an Ballstát deireadh lena ainmniú mar údarás agus déanfar an cinneadh seo ar leibhéal cúí.

Gan aon mhoill, cuirfidh an Ballstát in iúl don Choimisiún nuair a chuirtear údarás ainmnithe faoi thréimhse phromhaidh agus tabharfar faisnéis maidir leis an tréimhse phromhaidh faoi seach, cuirfeadh in iúl dó freisin nuair a chuirtear deireadh leis an tréimhse phromhaidh toisc gur cuireadh na bearta leasúcháin i bhfeidhm agus cuirfeadh in iúl dó chomh maith nuair a chuirtear deireadh le hainmniú údaráis. Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 83, nuair a chuirtear in iúl dó gur chuir Ballstát comhlacht ainmnithe ar promhadh, ní chuirfidh sin isteach ar láimhseáil na n-iarraitaí ar íocaíochtaí eatramhacha.

6. I gcás ina gcuirtear deireadh le hainmniú údaráis bhainistíochta nó údaráis deimhniúcháin, ainmneoidh Ballstáit, i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear i mír 2, comhlacht nua chun feidhmeanna an údaráis bhainistíochta nó an údaráis deimhniúcháin a ghlacadh air féin, agus cuirfidh Ballstáit é sin in iúl don Choimisiún.

7. Déanfaidh an Coimisiún, d'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme na forála seo, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh a bhaineann leis an tsamhail don tuarascáil agus don tuairim ón gcomhlacht neamhspleách iniúchóireachta chomh maith leis an tuairisc ar fheidhmeanna agus nósanna imeachta a bheidh i bhfeidhm don údarás bainistíochta agus, i gcás inarb iomchuí, don údarás deimhniúcháin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 150(3).

Airteagal 125

Feidhmeanna an údaráis bhainistíochta

1. Beidh an t-údarás bainistíochta freagrach as an gclár oibríochtúil a bhainistiú i gcomhréir le príonsabal na bainistíochta fóna airgeadais.

2. Maidir le bainistiú an chlár oibríochtúil, déanfaidh an t-údarás bainistíochta an méid seo a leanas:

(a) tacóidh sé le hobair an choiste faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 47 agus cuirfidh sé an fhaisnéis atá de dhíth air chun a chúraimí a chomhlíonadh ar fáil dó, go háirithe sonraí a bhaineann le dul chun cinn an chlár oibríochtúil maidir lena chuspóirí a ghnóthú, sonraí airgeadais agus sonraí a bhaineann le táscairí agus garspíocanna;

(b) tuarascálacha bliantúla agus tuarascálacha deiridh ar chur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 50 a tharraingt suas agus iad a chur faoi bhráid an Choimisiúin i ndiaidh don choiste faireacháin iad a fhormheas,

- (c) faisnéis a chur ar fáil do chomhlachtaí idirmheánacha agus do thairbhíthe, ar faisnéis í a bhaineann le comhlíonadh a gcúraimí agus cur chun feidhme na n-oibríochtaí faoi seach;
- (d) córas a bhunú chun sonraí maidir le gach oibríocht is gá chun faireachán, meastóireacht, bainistíocht airgeadais, fíorú agus iniúchadh a dhéanamh, lena n-áirítear sonraí maidir le rannpháirtithe aonair in oibríochtaí, i gcás inarb infheidhme, a thairbhíthe agus a stóráil i bhfoirm ríomhairithe;
- (e) a áirithiú go ndéanfar na sonraí dá dtagraítear i bpointe (d) a bhailiú, a iontráil agus a stóráil sa chóras dá dtagraítear i bpointe (d), agus go ndéanfar na sonraí sin maidir le táscairí a mhiondealú de réir inscne i gcás ina gceanglaítear sin in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II de Rialachán CSE.

3. Maidir le hoibríochtaí a roghnú, déanfaidh an t-údarás bainistíochta an méid seo a leanas:

- (a) nósanna imeachta agus critéir iomchuí roghnúcháin a tharraingt suas agus a chur i bhfeidhm a luaithe a fhorghníodh iad, ar nósanna imeachta agus critéir iad a dhéanfaidh an méid seo a leanas:
- (i) áiríteofar leo an méid a chuireann na hoibríochtaí le sainchuspóirí agus torthaí sonracha na tosaíochta ábhartha a bhaint amach;
- (ii) neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach;
- (iii) cuirfidh siad na prionsabail ghinearálta a leagtar amach in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 san áireamh;
- (b) a áirithiú go dtiocfaidh oibríocht a roghnófar faoi raon feidhme an Chiste nó na gCistí lena mbaineann agus gur féidir léi a bheith inchurtha i leith catagóire idirghabhála nó, i gcás CEMI, beart arna sainaitheint i dtosaíocht nó i dtosaíochtaí an chláir oibríochtúil;
- (c) a áirithiú go soláthrófar doiciméad don tairbhí ina leagtar amach na dálaí tacaíochta le haghaidh gach oibríochta, lena n-áirítear na ceanglais shonracha maidir leis na táirgí nó na seirbhísí atá le soláthar faoin oibríocht, an plean maoinithe, agus an teorainn ama dá bhfeidhmiú;
- (d) a dheimhniú dó féin go bhfuil na hacmhainní riaracháin, airgeadais agus oibríocháin ag an tairbhí d'fhonn na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe (c) a chomhlíonadh sula bhformheasfar an oibríocht;
- (e) a dheimhniú dó féin, i gcás inar thosaigh an oibríocht sular cuireadh iarratas ar chistiú faoi bhráid an údarais bhainistíochta, gur comhlíonadh dlí is infheidhme a bhaineann leis an oibríocht;
- (f) a áirithiú nach gcuirtear san áireamh in oibríocht a roghnaíodh i gcomhair tacaíochta ó na Cistí gníomhaíochtaí a bhí mar chuid d'oibríocht, ar oibríocht í a bhí, nó ar cheart a bheith, faoi réir nós imeachta um ghnóthú i gcomhréir le hAirteagal 71 i ndiaidh gníomhaíochta táirgthe lasmuigh de limistéar an chláir;

- (g) na catagóirí idirghabhála nó, i gcás CEMI, na bearta a bhfuil caiteachas oibríochta le cur ina leith a chinneadh.

4. Maidir le bainistiú airgeadais agus rialú an chláir oibríochtúil, déanfaidh an t-údarás bainistíochta an méid seo a leanas:

- (a) a fhíorú gur seachadadh na seirbhísí agus na táirgí cómhaoinithe agus go bhfuil an caiteachas a dhearbhaigh na tairbhíthe íoctha agus go gcomhlíonann sé an dlí is infheidhme, an clár oibríochtúil agus na coinníollacha maidir le tacaíochta na hoibríochta;
- (b) a áirithiú go ndéanfaidh na tairbhíthe a bhfuil baint acu le cur chun feidhme na n-oibríochtaí a aisíoras ar bhonn na gcostas incháilithe arna dtabhú iarbhrí córas cuntasaíochta ar leith nó cód cuntasaíochta leormhaith a choimeád le haghaidh gach idirbhirt a bhaineann le hoibríocht;
- (c) bearta frithchialoise éifeachtacha agus comhréireacha a chur i bhfeidhm, ag cur na rioscaí a aithníodh san áireamh;
- (d) nósanna imeachta a bhunú lena áirithiú go ndéanfar gach doiciméad a bhaineann leis an gcaiteachas agus leis na hiniúchtaí a theastaíonn chun rian leormhaith iniúchóireachta a áirithiú a shealbhú i gcomhréir le ceanglais phointe (g) d'Airteagal 72;
- (e) an dearbhú bainistíochta agus an achoimre bhliantúil dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) d'Airteagal 59(5) den Rialachán Airgeadais a tharraingt suas.

De mhaolú ar mhír (a) den chéad fhomhír, féadfaidh Rialachán CCE rialacha sonracha a bhunú maidir le fíorú is infheidhme maidir le cláir chomhair.

5. Déanfar na nósanna imeachta seo a leanas a áireamh i bhfíoruithe de bhun phointe (a) den chéad fhomhír de mhír 4:

- (a) fíoruithe riaracháin maidir le gach iarratas ar aisíocaíocht ag tairbhíthe;
- (b) fíoruithe ar an láthair ar oibríochtaí.

Beidh minicíocht agus cuimsiú na bhfíoruithe ar an láthair comhréireach le méid na tacaíochta poiblí a thugtar d'oibríocht agus leis an leibhéal riosca a aithneofar i bhfíoruithe den sórt sin agus in iniúchtaí den sórt sin arna ndéanamh ag an údarás iniúchóireachta le haghaidh an chórais bhainistíochta agus rialaithe ina iomláine.

6. Féadfar fíoruithe ar an láthair ar oibríochtaí aonair de bhun phointe (b) den chéad fhomhír de mhír (5) a dhéanamh ar bhonn samplach.

7. I gcás ina bhfuil an t-údarás bainistíochta ina thairbhí faoin gclár oibríochtúil freisin, déanfar deighilt leormhaith feidhmeanna a áirithiú sna socrúithe le haghaidh na bhfíoruithe dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír de mhír 4.

8. Cumhachtófar an Coimisiún chun gníomhartha tarmcligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 149, lena leagfar síos rialacha lena sonraítear an fhaisnéis maidir leis na sonraí a thairgeadh agus a stórálfar i bhfoirm ríomhairithe laistigh den chóras faireacháin a bunaíodh faoi phointe (d) de mhír 2 den Airteagal seo.

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos sonraíochtaí teicniúla an chórais arna bhunú faoi phointe (d) de mhír 2 den Airteagal seo i bhfeidhm. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 150(3).

9. Cumhachtófar an Coimisiún chun gníomhartha tarmcligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 149, lena leagfar síos na ceanglais íosta mhionsonraithe don rian iniúcháireachta dá dtagraítear i bpointe (d) den chéad fhomhír de mhír 4 den Airteagal seo i leith na dtairgeadh cuntasáíochta a chothabhálfar agus na doiciméid tacaíochta a choimeádfar ag leibhéal an údarais deimhniúcháin, an údarais bhainistíochta, na gcomhlachtaí idirmheánacha agus na dtairbhíthe.

10. Déanfaidh an Coimisiún, d'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh a bhaineann leis an tsamhail don dearbhú bainistíochta dá dtagraítear i bpointe (e) den chéad fhomhír de mhír 4 den Airteagal seo. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 150(2).

Airteagal 126

Feidhmeanna an údarais deimhniúcháin

Beidh údarás deimhniúcháin an chláir oibríochtúil freagrach go háirithe as:

- (a) iarrataí ar íocaíocht a tharraingt suas agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin, agus a dheimhniú go dtagann siad as córais chuntasaíochta iontaofa, go bhfuil siad bunaithe ar dhoiciméid tacaíochta infhíoraithe agus go raibh siad faoi réir fíoruithe ag an údarás bainistíochta;
- (b) na cuntais dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 59(5) den Rialachán Airgeadais a tharraingt suas;
- (c) iomláine, cruinneas agus firinneacht na gcuntas a dheimhniú agus a dheimhniú go gcomhlíonann an caiteachas a iontráladh sna cuntais an dlí is infheidhme agus gur tabhaíodh é i leith na n-oibríochtaí a roghnaíodh lena gcistiú i gcomhréir leis na critéir is infheidhme maidir leis an gclár oibríochtúil agus a chomhlíonann an dlí is infheidhme;
- (d) a áirithiú go bhfuil córas ann a dhéanann taifid chuntasaíochta le haghaidh gach oibríochta a thairgeadh agus a stóráil, i bhfoirm ríomhairithe, agus a thacaíonn leis na sonraí uile a theastaíonn chun iarratais ar íocaíocht agus cuntais a tharraingt suas, lena n-áirítear taifid ar mhéideanna inghnóthaithe, ar mhéideanna a gnóthaíodh agus ar mhéideanna a aistarraingíodh i ndiaidh na ranníocaíochta uile le haghaidh oibríochta nó clár oibríochtúla nó cuid di a chealú;

- (e) a áirithiú, ar mhaithe le hiarrataí ar íocaíocht a tharraingt suas agus a chur isteach, go bhfuil faisnéis leormhaith faighte aige ón údarás bainistíochta maidir leis na nósanna imeachta agus na fíoruithe a cuireadh i gcrích i dtaca leis an gcaiteachas;
- (f) a chur san áireamh, agus iarratais ar íocaíocht á dtarraingt suas agus á gcur isteach, torthaí na n-iniúchtaí uile a rinne an t-údarás iniúcháireachta nó a rinneadh faoina fhreagracht;
- (g) taifid chuntasaíochta a choimeád, i bhfoirm ríomhairithe, maidir le caiteachas a dearbhaíodh don Choimisiún agus maidir leis an ranníocaíocht phoiblí chomhfhreagrach a íocadh le tairbhíthe;
- (h) cuntas a choimeád ar mhéideanna inghnóthaithe agus ar mhéideanna a aistarraingíodh i ndiaidh na ranníocaíochta uile le haghaidh oibríochta nó cuid di a chealú. Déanfar méideanna a gnóthaíodh a aisíoc le buiséad ginearálta an Aontais sula ndúnfar an clár oibríochtúil trí iad a asbhaint ón ráiteas caiteachais ina dhiaidh sin.

Airteagal 127

Feidhmeanna an údarais iniúcháireachta

1. Áiríteoidh an t-údarás iniúcháireachta go ndéanfar iniúchtaí ar fheidhmiú cuí an chórais bhainistíochta agus rialaithe an chláir oibríochtúil agus ar shampla iomchuí oibríochtaí agus ar na cuntais bhliantúla ar bhonn an chaiteachais a dhearbhaítear. Iniúchfar an caiteachas dearbhaithe bunaithe ar shampla ionadaíoch agus mar riail ghinearálta maidir le modhanna samplála staidrimh.

Féadfar modh samplála neamhstaidrimh a úsáid ar bhreithiúnas gairmiúil an údarais iniúcháireachta, i gcásanna cuí-réasúnaithe, i gcomhréir leis na caighdeáin iniúcháireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta agus in aon chás ina bhfuil líon na n-oibríochtaí do bhliain chuntasaíochta neamhleor chun gur féidir úsáid a bhaint as modh staidrimh.

I gcásanna den sórt sin, beidh méid an tsampla dóthanach chun a chumasú don údarás iniúcháireachta tuairim iniúcháireachta bailí a tharraingt suas i gcomhréir leis an dara fhomhír d'Airteagal 59(5) den Rialachán Airgeadais.

Clúdóidh an modh sampla neamhstaidrimh ar a laghad 5 % de na hoibríochtaí ar dearbhaíodh caiteachas don Choimisiún le linn bliana cuntasaíochta agus 10 % den chaiteachas ar dearbhaíodh don Choimisiún le linn bliana cuntasaíochta.

2. I gcás ina ndéanfaidh comhlacht seachas an t-údarás iniúcháireachta iniúchtaí, áiríteoidh an t-údarás iniúcháireachta go mbeidh an neamhspleáchas ó thaobh feidhme is gá ag an gcomhlacht sin.

3. Áiríteoidh an t-údarás iniúcháireachta go gcuirfear caighdeáin iniúcháireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta san áireamh san obair iniúcháireachta.

4. Ullmhóidh an t-údarás iniúchóireachta, laistigh d'ocht mí ón tráth a nglacfar clár oibríochtúil, straitéis iniúchóireachta chun iniúchtaí a dhéanamh. Leagfar síos sa straitéis iniúchóireachta, an mhodheolaíocht iniúchóireachta, an modh samplála maidir le hiniúchtaí ar oibríochtaí agus pleanáil na n-iniúchtaí maidir leis an mbliain chuntasaíochta reatha agus an dá bhliain chuntasaíochta ina dhiaidh sin. Déanfar an straitéis iniúchóireachta a nuashonrú gach bliain ó 2016 go dtí 2024, an bhliain sin san áireamh. I gcás ina bhfuil feidhm ag comhchóras bainistíochta agus rialaithe maidir le níos mó ná clár oibríochtúil amháin, féadfar straitéis iniúchóireachta amháin a ullmhú le haghaidh na gclár oibríochtúil lena mbaineann. Cuirfidh an t-údarás iniúchóireachta an straitéis iniúchóireachta faoi bhráid an Choimisiúin arna iarraidh sin dó.

5. Tarraingeoidh an t-údarás iniúchóireachta suas na nithe seo a leanas:

- tuairim iniúchóireachta i gcomhréir leis an dara fómhír d'Airteagal 59(5) den Rialachán Airgeadais.
- tuarascáil ar rialú ina leagtar amach príomhthorthaí na n-iniúchtaí a rinneadh i gcomhréir le mír 1, lena n-áirítear torthaí maidir le heasnamh a aimsíodh sna córais bhainistíochta agus rialaithe, agus na gníomhartha ceartaitheacha a moladh agus a cuireadh chun feidhme.

I gcás ina bhfuil feidhm ag comhchóras bainistíochta agus rialaithe maidir le níos mó ná clár oibríochtúil amháin, féadfar an fhaisnéis a cheanglaítear faoi phointe (b) den chéad fhomhír a ghrúpáil i dtuarascáil amháin.

6. Déanfaidh an Coimisiún, d'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos samhlaíochtaí maidir leis an straitéis iniúchóireachta, leis an tuairim iniúchóireachta agus leis an tuarascáil ar rialú. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 150(2).

7. Cumhachtófar an Coimisiún chun gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 149, chun raon feidhme agus inneachar na n-iniúchtaí ar oibríochtaí agus iniúchtaí ar na cuntais agus an mhodheolaíocht do roghnú shampla na n-oibríochtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a leagan amach.

8. Cumhachtófar an Coimisiún chun gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 149, lena leagfar síos rialacha mionsonraithe maidir le húsáid sonraí arna mbailiú ag oifigigh an Choimisiúin nó ag ionadaithe údaráithe thar ceann an Choimisiúin.

CAIBIDIL III

Comhar le húdarás iniúchóireachta

Airteagal 128

Comhar le húdarás iniúchóireachta

1. Comhoibreoigh an Coimisiún le húdarás iniúchóireachta d'fhonn a bpleananna agus a modhanna iniúchóireachta a chomhordú agus déanfaidh sé torthaí na n-iniúchtaí arna ndéanamh ar chórais bhainistithe agus rialaithe a mhalartú láithreach leis na húdarás sin.

2. D'fhonn an comhar seo a éascú i gcásanna ina n-ainmníonn Ballstát níos mó ná údarás iniúchóireachta amháin, féadfaidh an Ballstát comhlacht comhordúcháin a ainmniú.

3. Tíocfaidh an Coimisiún, na húdarás iniúchóireachta agus aon chomhlacht comhordúcháin atá ann le chéile ar bhonn rialta agus, mar riail ghinearálta, uair amháin sa bhliain ar a laghad, mura gcomhaontaítear a mhalairt, d'fhonn an tuarascáil bhliantúil ar rialú, an tuairim iniúchóireachta agus an straitéis iniúchóireachta a scrúdú, agus d'fhonn tuairimí a mhalartú maidir le ceisteanna a bhaineann le feabhas a chur ar na córais bhainistithe agus rialaithe.

TEIDEAL II

BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS, CUNTAIS A ULLMHÚ, A SCRÚDÚ, A GHLACADH AGUS A DHÚNADH AGUS CEARTUITHE AIRGEADAIS

CAIBIDIL I

Bainistíocht airgeadais

Airteagal 129

Comhrialacha maidir le híocaíochtaí

Áiritheoidh an Ballstát go mbeidh méid an chaiteachais phoiblí a íocfar le tairbhíthe, tráth a ndúntar an clár oibríochtúil, cothrom leis an ranníocaíocht ó na Cistí, ar a laghad, a d'íoc an Coimisiún leis an Ballstát.

Airteagal 130

Comhrialacha maidir le híocaíochtaí eatramhacha agus íocaíocht an iarmhéid deiridh a ríomh

1. Aisíocfaidh an Coimisiún mar íocaíochtaí eatramhacha 90 % den mhéid a thig ón ráta cómhaoinithe le haghaidh gach tosaíochta, arna leagan síos sa chinneadh lena nglactar an clár oibríochtúil, a chur i bhfeidhm maidir leis an gcaiteachas incháilithe le haghaidh na tosaíochta atá ar áireamh san iarratas ar íocaíocht. Cinnfidh an Coimisiún na méideanna eile le haisíoc mar íocaíochtaí eatramhacha nó le fáil ar ais i gcomhréir le hAirteagal 139.

2. Ní bheidh an ranníocaíocht ó na Cistí nó ó CEMI le tosaíocht, trí bhíthin na n-íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíocht an iarmhéid deiridh, níos airde ná:

- an caiteachas poiblí incháilithe arna shonrú san iarratas ar íocaíocht le haghaidh na tosaíochta; nó
- an ranníocaíocht ó na Cistí nó ó CEMI le haghaidh na tosaíochta arna leagan síos sa chinneadh ón gCoimisiún lena bhformheastar an clár oibríochtúil.

Airteagal 131

Iarratais ar íocaíocht

1. Áireofar an méid seo a leanas sna hiarratais ar íocaíocht, maidir le gach tosaíocht:

- méid iomlán an chaiteachais incháilithe arna thabhu ag tairbhíthe agus arna íoc in oibríochtaí cur chun feidhme, mar a iontráladh é i gcóras cuntasáíochta an údarás deimhniúcháin;

(b) méid iomlán an chaiteachais phoiblí a tabhaíodh ag cur oibríochtaí chun feidhme, mar a iontráladh é i gcóras cuntasafóchta an údarás deimhniúcháin;

2. An caiteachas incháilithe a áireofar in iarratais ar íocaíocht, cuirfear sonraisc admhaithe nó doiciméid chuntasaíochta a bhfuil luach cruthúnais atá coibhéiseach leis na sonraisc acu leis mar thacaíocht, cé is moite de chineálacha tacaíochta faoi phointe (b), faoi phointe (c) agus faoi phointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 67(1), faoi Airteagal 68, Airteagal 69(1) agus Airteagal 109 den Rialachán seo agus faoi Airteagal 14 de Rialachán CSE I gcás na gcineálacha tacaíochta sin, is ionann na méideanna a áireofar san iarratas ar íocaíocht agus na costais arna ríomh de réir an bhoinn is infheidhme.

3. I gcás scéimeanna cúnamh faoi Airteagal 107 CFAE, beidh an ranníocaíocht phoiblí a chomhfhreagraíonn leis an gcaiteachas a áirítear in iarratas ar íocaíocht tar éis a bheith íochta leis na tairbhíthe ag an gcomhlacht a dheonaíonn an cúnamh.

4. De mhaolú ar mhír 1, i gcás Státchabhrach, féadfar réamhíocaíochtaí a d'íoc an comhlacht a dheonaíonn an cúnamh leis an tairbhí faoi na coinníollacha carnacha seo a leanas a áireamh san iarraidh ar íocaíocht:

(a) tá na réamhíocaíochtaí sin faoi réir ráthaíochta arna tabhairt ag banc nó ag institiúid airgeadais eile atá bunaithe sa Bhallstát nó beidh siad cumhdaithe ag saoráid arna soláthar mar ráthaíocht ag eintiteas poiblí nó ag Ballstát;

(b) ní théann na réamhíocaíochtaí sin thar 40 % de mhéid iomlán na cabhrach le deonú ar an tairbhí i leith oibríochta ar leith;

(c) tá na réamhíocaíochtaí sin cumhdaithe ag caiteachas arna íoc ag tairbhíthe agus na hoibríochtaí á gcur chun feidhme acu agus arna dtacú ag sonraisc admhaithe nó doiciméid chuntasaíochta a bhfuil luach cruthúnais atá coibhéiseach leis na sonraisc ar a dhéanaí laistigh de thrí bliana i ndiaidh na bliana a tugadh an réamhíocaíocht nó an 31 Nollaig 2023, cibé acu is luaithe, agus déanfar an chéad iarratas eile ar íocaíocht a cheartú dá réir ina éagmais sin.

5. Déanfaidh gach iarratas ar íocaíocht a áireoidh réamhíocaíochtaí den chineál dá dtagraítear i mír 4 a nochtadh go leithleach an méid iomlán a íodadh ó na cláir oibríochtuála mar réamhíocaíochtaí, an méid a clúdaíodh le caiteachas a d'íoc tairbhíthe laistigh de thrí bliana de réamhíocaíocht a íoc i gcomhréir le pointe (c) de mhír 4, agus an méid nár clúdaíodh le caiteachas a d'íoc tairbhíthe agus nach bhfuil an tréimhse trí bliana maidir leis caite fós.

6. Déanfaidh an Coimisiún, d'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Airteagal seo,

gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos an tsamhail d'iarrataí ar íocaíocht. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 150(3).

Airteagal 132

Íocaíocht le tairbhíthe

1. Faoi réir infhaighteacht an chistithe ó réamh-mhaoiniú tosaigh agus bliantúil agus ó íocaíochtaí eatramhacha, áiritheoidh an t-údarás bainistíochta go bhfaighidh tairbhí méid iomlán an chaiteachais incháilithe phoiblí iomlán agus tráth nach déanaí ná 90 lá ó dháta tíolactha an éilimh íocaíochta ag an tairbhí.

Ní dhéanfar méid ar bith a asbhaint nó a choinneáil siar agus ní thobheofar muirear sonrath nó muirear eile comhéifeachta a laghdódh méideanna is dlite do thairbhíthe.

2. Féadfaidh an t-údarás bainistíochta an spriocdháta le haghaidh íocaíochta dá dtagraítear i mír 1 a idirbhreiseadh i gceachtar de na cásanna cuí-údaraithe seo a leanas:

(a) nach bhfuil méid an éilimh íocaíochta dlite nó nár soláthraíodh na doiciméid iomchuí tacaíochta, lena n-áirítear na doiciméid is gá le haghaidh fíoruithe bainistíochta faoi phointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 125(4);

(b) gur tionscnaíodh imscrúdú i ndáil le neamhrialtacht a d'fhéadfadh a bheith ann a dhéanann difear don chaiteachas lena mbaineann;

Cuirfear an tairbhí lena mbaineann ar an eolas i scríbhinn maidir leis an idirbhreiseadh agus na cúiseanna atá leis.

Airteagal 133

Úsáid an euro

1. Déanfaidh Ballstáit nach bhfuil an euro glactha acu mar airgeadra ar dháta iarratais ar íocaíocht na méideanna caiteachais a tabhaíodh san airgeadra náisiúnta a chomhshó in euro. Déanfar na méideanna sin a chomhshó in euro de réir ráta malartaithe cuntasaíochta míosúil an Choimisiúin an mhí inar cláraíodh an caiteachas i gcuntais údarás deimhniúcháin an chláir oibríochtuil lena mbaineann. Déanfaidh an Coimisiún an ráta malartaithe a fhoilsiú go leictreonach gach mí.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfar rialacha sonracha a bhunú le Rialachán CCE maidir le huainiú le haghaidh comhshó in euro.

3. Nuair a thiocfaidh an euro chun bheith mar airgeadra an Bhallstáit, beidh feidhm fós ag an nós imeachta comhshó atá leagtha amach i mír 1 maidir leis an gcaiteachas uile atá taifeadta sna cuntais ag an údarás deimhniúcháin roimh dháta theacht i bhfeidhm an ráta seasta comhshó idir an t-airgeadra náisiúnta agus an euro.

*Airteagal 134***Réamh-mhaoiniú a íoc**

1. Déanfar an méid réamh-mhaoinithe tosaigh a íoc i dtráthchodanna mar a leanas:

- (a) in 2014: 1 % de mhéid na tacaíochta a fhaigheann an clár oibríochtúil ó na Cistí agus ó CEMI feadh na clárthréimhse iomláine nó 1,5 % de mhéid na tacaíochta a fhaigheann an clár oibríochtúil ó na Cistí agus ó CEMI feadh na clárthréimhse iomláine má bhí cúnamh airgeadais á fháil ag Ballstát ó 2010 i leith, i gcomhréir le hAirteagal 122 agus le hAirteagal 143 CFAE, nó ón tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSF), nó má bhíonn cúnamh airgeadais á fháil aige an 31 Nollaig 2013 i gcomhréir le hAirteagal 136 agus Airteagal 143 CFAE;
- (b) in 2015: 1 % de mhéid na tacaíochta a fhaigheann an clár oibríochtúil ó na Cistí agus ón CEMI feadh na clárthréimhse iomláine nó 1,5 % de mhéid na tacaíochta a fhaigheann an clár oibríochtúil ó na Cistí agus ó CEMI feadh na clárthréimhse iomláine má bhí cúnamh airgeadais á fháil ag Ballstát ó 2010 i leith, i gcomhréir le hAirteagal 122 agus le hAirteagal 143 CFAE, nó ón EFSF, nó má bhíonn cúnamh airgeadais á fháil aige an 31 Nollaig 2014 i gcomhréir le hAirteagal 136 agus Airteagal 143 CFAE;
- (c) in 2016: 1 % de mhéid na tacaíochta a fhaigheann an clár oibríochtúil ó na Cistí agus ón CEMI feadh na clárthréimhse iomláine.

I gcás ina nglactar clár oibríochtúil in 2015 nó níos déanaí, íocfar na tráthchodanna is luaithe an bhliain a nglactar é.

2. Déanfar méid réamh-mhaoinithe bliantúil a íoc roimh an 1 Iúil sna blianta ó 2016 go 2023. Is é a bheidh ann ná céatadán mhéid na tacaíochta ó na Cistí agus ó CEMI feadh na clárthréimhse iomláine don chlár oibríochtúil mar seo a leanas:

— 2016: 2 %

— 2017: 2,625 %

— 2018: 2,75 %

— 2019: 2,875 %

— 2020 go dtí 2023: 3 %.

3. Nuair a bheidh méid an réamh-mhaoinithe tosaigh dá dtagraítear i mír 1 á ríomh, déanfar na méideanna ón gcúlchiste feidhmíochta a leithdháileadh ar dtús ar an gclár a eisiáimh ar méid na tacaíochta don chlárthréimhse iomlán.

Nuair a bheidh méid an réamh-mhaoinithe bhliantúil dá dtagraítear i mír 2 suas go dtí 2019, agus an bhliain sin san áireamh, á ríomh, déanfar na méideanna ón gcúlchiste feidhmíochta a leithdháileadh ar dtús ar an gclár a eisiáimh ar méid na tacaíochta don chlárthréimhse iomlán.

*Airteagal 135***Spríodhataí chun iarratais ar íocaíochtaí eatramhacha a chur isteach agus chun iad a íoc**

1. Déanfaidh an t-údarás deimhniúcháin iarraidh ar íocaíocht eatramhach i gcomhréir le hAirteagal 131(1) ina gcuimsítear méideanna arna n-iontráil ina chóras cuntasaíochta [...] sa bhliain chuntasaíochta. Féadfaidh an t-údarás deimhniúcháin, sa chás ina measann sé go bhfuil gá leis, na méideanna sin a áireamh in iarratais ar íocaíocht a chuirfear isteach i mblianta cuntasaíochta ina dhiaidh sin.

2. Déanfaidh an t-údarás deimhniúcháin an t-iarratas deiridh ar íocaíocht eatramhach a chur isteach faoin 31 Meitheamh i ndiaidh dheireadh na bliana cuntasaíochta roimhe sin agus, ar chuma ar bith, roimh an gcéad iarratas ar íocaíocht eatramhach don bhliain chuntasaíochta ina dhiaidh sin.

3. Ní dhéanfar an chéad iarratas ar íocaíocht eatramhach roimh fhógra a chur chuig an gCoimisiún maidir leis na húdaráis bhainistíochta agus deimhniúcháin a ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 124.

4. Ní dhéanfar íocaíochtaí eatramhacha le haghaidh cláir oibríochtúil mura mbeidh an tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme curtha chuig an gCoimisiún i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha.

5. Faoi réir an chistithe a bheidh ar fáil, déanfaidh an Coimisiún an íocaíocht eatramhach tráth nach déanaí ná 60 lá i ndiaidh an dáta ar a ndéanfar iarratas ar íocaíocht a chlárú leis an gCoimisiún.

*Airteagal 136***Saoradh**

1. Saorfaidh an Coimisiún aon chuid den mhéid i gclár oibríochtúil nár úsáideadh chun na híocaíochtaí réamh-mhaoinithe agus eatramhacha tosaigh agus bliantúla a íoc faoin 31 Nollaig den tríú bliain airgeadais tar éis bhliain an ghealltanais bhuiséadaigh faoin gclár oibríochtúil nó nár cuireadh iarraidh ar íocaíocht, arna tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 131, isteach ina leith i gcomhréir le hAirteagal 135.

2. Saorfar an chuid sin de na gealltanais a bheidh fós oscailte ar an 31 Nollaig 2023 mura mbeidh ceann ar bith de na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 141(1) curtha faoi bhráid an Choimisiúin faoin spríodhata a leagtar amach in Airteagal 141(1).

CAIBIDIL II

Cuntais a ullmhú, a scrúdú, a ghlacadh agus cláir oibríochtúla a dhúnadh agus íocaíochtaí a fhionraí

Roinn I

Cuntais a ullmhú, a scrúdú agus a ghlacadh*Airteagal 137***Na cuntais a ullmhú**

1. Cuirfear na cuntais dheimhnithe dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 59(5) den Rialachán Airgeadais faoi bhráid an Choimisiúin i gcás gach clár oibríochtúil. Cumhdófar an bhliain chuntasaíochta sna cuntais agus beidh an méid seo a leanas ar áireamh iontu ar leibhéal gach tosaíochta agus, i gcás inarb infheidhme, ciste agus catagóir réigiún:

- (a) méid iomlán an chaiteachais incháilithe arna iontráil i gcórais chuntasaíochta an údarais deimhniúcháin, ar méid é a áiríodh sna hiarratais íocaíochta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 131 agus le hAirteagal 135(2) faoin 31 Iúil tar éis dheireadh na bliana cuntasaíochta, méid iomlán an chaiteachais phoiblí chomhfhreagraigh a tabhaíodh sna hoibríochtaí cur chun feidhme, agus méid iomlán na n-íocaíochtaí comhfhreagraigh a tugadh do na tairbhithe faoi Airteagal 131(1);
- (b) na méideanna atá aistarraingthe agus gnóthaithe le linn na bliana cuntasaíochta, na méideanna atá le gnóthú amhail ag deireadh na bliana cuntasaíochta, na méideanna a gnóthaíodh de bhun Airteagal 71, agus na méideanna neamh-inghnóthaithe;
- (c) méideanna na ranníocaíochtaí cláir a íoctar le hionstraimí airgeadais faoi Airteagal 41(1) agus réamhíocaíochtaí Státchabhrach faoi Airteagal 134(4);
- (d) le haghaidh gach aise tosaíochta, réiteach idir an caiteachas atá sonraithe de bhun phointe (a) agus an caiteachas atá dearbhaithe maidir leis an mbliain chéanna chuntasaíochta in iarratais ar íocaíocht, agus beidh míniú faoi aon difríochtaí ag gabháil leis;

2. I gcás ina n-eisiafaidh Ballstát caiteachas óna cuntais, ar caiteachas é a áiríodh roimhe sin in iarratas ar íocaíocht eatramhach don bhliain chuntasaíochta, toisc go bhfuil sé faoi réir measúnaithe leanúnaigh maidir le dlíthiúlacht agus le rialtacht an chaiteachais sin, féadfar aon chuid den chaiteachas sin nó an caiteachas sin san iomlán sin a suíodh ina dhiaidh sin a bheith dlíthiúil agus rialta a áireamh ar iarratas ar íocaíocht eatramhach a bhaineann le blianta cuntasaíochta ina dhiaidh sin.

3. Déanfaidh an Coimisiún, d'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a leagan síos maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ina leagfar amach an tsamhail maidir leis na cuntais dá dtagraítear san Airteagal seo. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 150(3).

*Airteagal 138***Faisnéis a chur isteach**

Maidir le gach bliain, ó 2016 go dtí 2025, agus an bhliain sin san áireamh, déanfaidh na Ballstáit, faoin spriocdháta a leagtar amach in Airteagal 59(5) den Rialachán Airgeadais, na doiciméid dá dtagraítear san Airteagal sin a chur isteach, eadhon:

- (a) na cuntais, dá dtagraítear in Airteagal 137(1) den Rialachán seo don bhliain chuntasaíochta roimhe sin;
- (b) an dearbhú bainistíochta agus an achoimre bhliantúil dá dtagraítear i bpointe (e) den chéad fhomhír d'Airteagal 125(4) den Rialachán seo, don bhliain chuntasaíochta roimhe sin;
- (c) an tuairim iniúchóireachta agus an tuarascáil ar rialú dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 127(5) den Rialachán seo, don bhliain chuntasaíochta roimhe sin.

*Airteagal 139***Cuntais a scrúdú agus a ghlacadh**

1. Scrúdóidh an Coimisiún na doiciméid a bheidh curtha isteach ag an mBallstát faoi Airteagal 138. Arna iarraidh sin don Choimisiún, cuirfidh an Ballstát an fhaisnéis bhreise is gá ar fáil ionas go bhféadfaidh an Coimisiún a mheas, faoin spriocdháta a leagtar amach in Airteagal 84, an bhfuil na cuntais comhlán, cruinn agus dílis.

2. Glacfaidh an Coimisiún leis na cuntais más féidir a rá go bhfuil na cuntais comhlán, cruinn agus dílis. Tiocfaidh an Coimisiún ar an gconclúid sin más rud é gur chuir an t-údarás iniúchóireachta tuairim iniúchóireachta gan agus ar fáil maidir le comhlántacht, le cruinneas agus le fírinneacht na gcuntas agus mura mbeidh fianaise ar leith ag an gCoimisiún a thabharfadh le fios nach féidir brath ar an tuairim iniúchóireachta i dtaobh na gcuntas.

3. Tabharfaidh an Coimisiún fógra don Bhallstát faoin spriocdháta a leagtar amach in Airteagal 84 á rá an bhfuil sé in ann glacadh leis na cuntais nó nach bhfuil.

4. Más rud é, maidir le cúiseanna atá inchurtha i leith Ballstáit, nach mbeidh an Coimisiún ábalta glacadh leis na cuntais faoin spriocdháta a leagtar amach in Airteagal 84, tabharfaidh an Coimisiún fógra do na Ballstáit ina sonrú na cúiseanna i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo agus na gníomhaíochtaí is gá a dhéanamh agus an tréimhse ama chun iad a chríochnú. Ag deireadh na tréimhse ama chun na gníomhartha sin a chríochnú, cuirfidh an Coimisiún in iúl don Bhallstát an bhfuil sé in ann glacadh leis na cuntais.

5. Agus é ag féachaint an bhféadfar glacadh leis na cuntais, ní chuirfidh an Coimisiún san áireamh saincheisteanna a bhaineann le dlíthiúlacht ná le rialtacht na n-idirbheart bunúsach i gcás caiteachas a chuirtear isteach sna cuntais. Ní chuirfidh an nós imeachta scrúdúcháin ná an nós imeachta maidir le glacadh leis na cuntais isteach ar an mbealach a ndéileáiltear le hiarratais ar íocaíochtaí eatramhacha ná ní chuirfear íocaíochtaí ar fionraí mar gheall orthu, gan dochar d'Airteagal 83 agus d'Airteagal 142.

6. Ar bhonn na gcuntas a nglacfar leo, ríomhfaidh an Coimisiún an méid is inmhuirir i leith na gCistí agus CEMI don bhliain chuntasaíochta agus na coigeartuithe a dhéanfar ina dhiaidh sin i ndáil leis na híocaíochtaí leis an mBallstát. Cuirfidh an Coimisiún an méid seo a leanas san áireamh:

- (a) na méideanna sna cuntais dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 137(1) agus a gcuirfear an ráta cómhaoinithe i bhfeidhm maidir leis le haghaidh gach aise tosaíochta;
- (b) méid iomlán na n-íocaíochtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún le linn na bliana chuntasaíochta, agus arb é atá iontu:
 - (i) méid na n-íocaíochtaí eatramhacha arna n-íoc ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 130(1) agus Airteagal 24; agus
 - (ii) méid an réamh-mhaoinithe bhliantúil arna íoc faoi Airteagal 134(2).

7. Tar éis an ríomh a chur i gcrích faoi mhír 6, déanfaidh an Coimisiún an réamh-mhaoiniú bliantúil a fhaigheann siad faoi seach a imréiteach agus íocfaidh sé aon mhéid breise a bheidh dlite laistigh de 30 lá ón dáta a nglacfar lena gcuntais. I gcás ina bhfuil méid atá inghnóthaithe ón mBallstát, beidh sé faoi réir ordú inghnóthaithe a eiseoidh an Coimisiún agus a chuirfear i gcrích trí é a fhritháireamh, más féidir, i gcoinne méideanna atá dlite don Bhallstát faoi íocaíochtaí ina dhiaidh sin leis an gclár céanna oibríochtúil. Ní mheasfar gur ceartúchán airgeadais é an gnóthú sin ná ní laghdófar an tacaíocht a fhaigheann an clár oibríochtúil ó na Cistí. Is éard a bheidh sa mhéid a ghnóthófar ioncam sannta i gcomhréir le hAirteagal 177(3) den Rialachán Airgeadais.

8. I gcás nach bhféadfaidh an Coimisiún glacadh leis na cuntais, tar éis dó an nós imeachta a leagtar amach i mír 4 a chur i bhfeidhm, socróidh an Coimisiún, ar bhonn na faisnéise a bheidh ar fáil agus i gcomhréir le mír 6, an méid is inmhuirir i leith na gCistí don bhliain chuntasaíochta, agus tabharfaidh sé fógra ina leith don Bhallstát. I gcás ina dtabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún, laistigh de dhá mhí ón uair a gcuirfear an fhaisnéis ar aghaidh chuig an gCoimisiún, go bhfuil glacadh aige leis, beidh feidhm ag mír 7. In éagmais comhaontú den sórt sin, glacfaidh an Coimisiún cinneadh, trí ghníomhartha cur chun feidhme, ina leagfar amach an méid is inmhuirir i leith na gCistí don bhliain chuntasaíochta. Ní mheasfar gur ceartúchán airgeadais é an cinneadh sin ná ní laghdófar an tacaíocht a fhaigheann an clár oibríochtúil ó na Cistí. Ar bhonn an chinnidh sin, cuirfidh an Coimisiún na coigeartuithe i bhfeidhm maidir leis na híocaíochtaí leis an mBallstát i gcomhréir le mír 7.

9. Ag glacadh leis do na cuntais, nó agus cinneadh á dhéanamh ag an gCoimisiún faoi mhír 8 den Airteagal seo, beidh sé gan dochar do chur i bhfeidhm na gceartúcháin faoi Airteagal 144 agus faoi Airteagal 145.

10. Féadfaidh na Ballstáit méideanna eile a chur in ionad méideanna neamhriala a bhraitear tar éis na cuntais a chur

isteach trí choigeartuithe comhfhreagracha a dhéanamh sna cuntais don bhliain chuntasaíochta ina mbraitear an neamhrialtacht, gan dochar d'Airteagal 144 agus d'Airteagal 145.

Airteagal 140

Infhaighteacht doiciméad

1. Gan dochar do na rialacha lena rialaítear Státchabhair, áiritheoidh an t-údarás bainistíochta go mbeidh gach doiciméad tacaíochta maidir le caiteachas a fhaigheann tacaíocht ó na Cistí i ndáil le hoibríochtaí ar lú ná EUR 1 000 000 méid iomlán an chaiteachais is incháilithe, ar fáil don Choimisiún agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa arna iarraidh sin dóibh ar feadh tréimhse trí bliana ón 31 Nollaig tar éis na cuntais sin ina n-áirítear caiteachas na hoibríochta a chur isteach.

I gcás na n-oibríochtaí seachas na cinn dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cuirfear gach doiciméad tacaíochta ar fáil ar feadh tréimhse dhá bhliain ón 31 Nollaig tar éis na cuntais sin ina n-áirítear caiteachas críochnaitheach na hoibríochta lánchríochnaithe a chur isteach.

Féadfaidh údarás bainistíochta an rial dá dtagraítear sa dara fomhír a chur i bhfeidhm le haghaidh na n-oibríochtaí a bhfuil an caiteachas incháilithe iomlán níos lú ná EUR 1 000 000 ina leith.

Brisfear an tréimhse ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcás imeachtaí dlíthiúla nó ar iarraidh cuí-réasúnaithe ón gCoimisiún.

2. Tabharfaidh an t-údarás bainistíochta fógra do na tairbhithe faoi dháta tosaigh na tréimhse dá dtagraítear i mír 1.

3. Coimeádfar na doiciméid i bhfoirm na mbunchóipeanna, nó i bhfoirm cóipeanna dílse deimhnithe de na bunchóipeanna, nó ar iompróirí sonraí a nglactar go coitianta leo, lena n-áirítear leaganacha leictreonacha de na bundoiciméid nó de dhoiciméid nach bhfuil le fáil acu i bhfoirm leictreonach.

4. Coimeádfar na doiciméid sin i bhfoirm a áirithíonn nach féidir daoine is ábhar do na sonraí a aithint ach ar feadh tréimhse nach faide ná an tréimhse is gá chun na gcríoch dar bailíodh na sonraí nó dá bhfuil tuilleadh próiseála á déanamh orthu.

5. Déanfaidh na húdaráis náisiúnta an nós imeachta a leagan síos lena ndeimhnítear go bhfuil doiciméid atá á gcoimeád ar iompróirí sonraí a nglactar go coitianta leo i gcomhréir leis an mbundoiciméad, agus áiritheoidh an nós imeachta sin go gcomhlíonann na leaganacha atá á gcoimeád ceanglais náisiúnta dhlíthiúla agus gur féidir brath orthu chun críocha iniúchóireachta.

6. I gcás doiciméad nach bhfuil le fáil ach i bhfoirm leictreonach, comhlíonfaidh na córais ríomhaireachta a mbaintear úsáid astu caighdeáin slándála a bhfuil glacadh leo, lena n-áirítear go gcomhlíonann na doiciméid atá á gcoimeád ceanglais náisiúnta dhlíthiúla agus gur féidir brath orthu chun críocha iniúchóireachta.

Roinn II

Cláir oibríochtúla a dhúnadh

Airteagal 141

Doiciméid i leith dúnta a chur isteach agus an t-iarhméid deiridh a íoc

1. Don bhliain chuntasaíochta deiridh, ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024, cuirfidh na Ballstáit isteach tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme don chlár oibríochtúil nó an tuarascáil bhliantúil dheireanach ar chur chun feidhme don chlár oibríochtúil arna tacú ag CEMI, i dteannta na ndoiciméad dá dtagraítear in Airteagal 138.

2. Íocfar an t-iarhméid deiridh tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis an dáta a glacadh leis na cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh nó mí amháin tar éis an dáta a glacadh leis an tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme, cibé dáta is déanaí.

Roinn III

Íocaíochtaí a fhionraí

Airteagal 142

Íocaíochtaí a fhionraí

1. Féadfaidh an Coimisiún gach íocaíocht eatramhach nó cuid de na híocaíochtaí eatramhacha ar leibhéal na dtosaíochtaí nó na gclár oibríochtúil a fhionraí má chomhlíontar ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas:

- go bhfuil easnamh tromchúiseach ann i bhfeidhmiú éifeachtach chóras bainistíochta agus rialaithe an chlár oibríochtúil, agus go bhfuil ranníocaíocht an Aontais a íocadh leis an gclár oibríochtúil i mbaol dá bharr agus nár glacadh bearta ceartaitheacha ina leith go fóill;
- i gcás ina bhfuil baint ag caiteachas i ráiteas caiteachais le neamhrialtacht a bhfuil iarmhairtí airgeadais tromchúiseacha ag gabháil léi nár ceartaíodh fós;
- i gcás inar mhainnigh Ballstát an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun an cás a leigheas, rud a chuireann briseadh faoi deara faoi Airteagal 83;
- i gcás ina bhfuil easnamh tromchúiseach ann i gcáilíocht agus in iontaofacht an chórais faireacháin nó sna sonraí ar tháscairí coitianta agus ar tháscairí sonracha;
- i gcás ina mainnítear gníomhaíochtaí a thabhairt chun críche chun coinníollacht ex ante a chomhlíonadh faoi réir na goinníollacha a leagtar amach in Airteagal 19;
- i gcás ina bhfuil fianaise ann a thig ón athbhreithniú ar fheidhmíocht le haghaidh tosaíochta go raibh mainneachtain thromchúiseach garspriocanna na tosaíochta sin a bhaineann le táscairí airgeadais agus aschuir agus le príomhchéimeanna cur chun feidhme a leagtar amach sa chreat feidhmíochta a ghnóthú, faoi réir na goinníollacha a leagtar amach in Airteagal 22;

Sna rialacha Ciste-shonracha le haghaidh CEMI, féadfar bunúis shonracha a leagan síos maidir le híocaíochtaí atá nasctha le neamhchomhlíonadh na rialacha is infheidhme faoin gComhbheartas Iascaigh a fhionraí, agus beidh na bunúis sin comhréireach, ag féachaint do chineál, tromaíocht, fad agus atarlú an neamhchomhlíonta.

2. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh, trí ghníomhartha cur chun feidhme, gach íocaíocht eatramhach nó cuid de na híocaíochtaí sin a fhionraí, i ndiaidh dó deis a thabhairt don Bhallstát a chuid barúlacha a thíolacadh.

3. Cuirfidh an Coimisiún deireadh le fionraí na n-íocaíochtaí eatramhacha nó cuid de na híocaíochtaí sin i gcás ina bhfuil na bearta is gá déanta ag an mBallstát chun an fhionraí a fhoirceannadh.

CAIBIDIL III

Ceartuithe airgeadais

Roinn I

Ceartuithe airgeadais ag ballstáit

Airteagal 143

Ceartuithe airgeadais ag Ballstáit

1. Beidh na Ballstáit freagrach, sa chéad ásc, as neamhrialtachtaí a imscrúdú agus as na ceartuithe airgeadais is gá a dhéanamh agus gnóthuithe a shaothrú. I gcás neamhrialtachta sistéamaí, leathnóidh an Ballstát a imscrúdú chun na hoibríochtaí ar fad a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh a chuimsiú ann.

2. Déanfaidh na Ballstáit na ceartuithe airgeadais is gá maidir le neamhrialtachtaí aonair nó sistémacha arna mbrath in oibríochtaí nó i gcláir oibríochtúlaí. Is éard a bheidh i gceist le ceartuithe airgeadais an rannchuidiú poiblí iomlán le hoibríocht nó le clár oibríochtúil, nó cuid de ranníocaíocht, a chur ar ceal. Cuirfidh an Ballstát san áireamh cineál agus tromaíocht na neamhrialtachtaí agus an chaillteanas airgeadais i leith na gCistí nó an CEMI agus cuirfidh sé ceartú comhréireach i bhfeidhm. Déanfaidh an t-údarás bainistíochta ceartuithe airgeadais a thaifeadh sna cuntais le haghaidh na bliana cuntasaíochta ina gcinntear an cealú.

3. Féadfaidh an Ballstát an rannchuidiú ó na Cistí nó ón CEMI a cealaíodh i gcomhréir le mír 2 a athúsáid laistigh den chlár oibríochtúil lena mbaineann, faoi réir mhír 4.

4. Ní fhéadfar an rannchuidiú a cealaíodh i gcomhréir le mír 2 a athúsáid le haghaidh oibríochta ar bith a bhí ina ábhar ceartaithe nó, i gcás ina ndéantar ceartú airgeadais i gcás neamhrialtachta sistéamaí, le haghaidh oibríochta ar bith a ndearna an neamhrialtacht shistéamach difear di.

5. Sna rialacha Ciste-shonracha le haghaidh CEMI, féadfar bunúis shonracha a leagan síos maidir le ceartuithe airgeadais ag na Ballstáit, a bheidh nasctha le neamhchomhlíonadh na rialacha faoin gComhbheartas Iascaigh, agus a bheidh comhréireach, ag féachaint do chineál, tromaíocht, fad agus atarlú an neamhchomhlíonta.

Roinn II

Ceartuithe airgeadais ag an gcoimisiún*Airteagal 144***Critéir le haghaidh ceartuithe airgeadais**

1. Déanfaidh an Coimisiún ceartuithe airgeadais, trí ghníomhartha cur chun feidhme, trí rannchuidiú an Aontais le clár oibríochtúil, nó cuid de rannchuidiú den sórt sin, a chur ar ceal i gcomhréir le hAirteagal 85 más rud é, i ndiaidh dó tabhairt faoin scrúdú is gá, go measann sé:

- (a) go bhfuil easnamh tromchúiseach ann i bhfeidhmiú éifeachtach chóras bainistíochta agus rialaithe an chláir oibríochtúil, agus go bhfuil rannchuidiú an Aontais a íocadh leis an gclár oibríochtúil cheana féin i mbaol dá bharr.
- (b) nár chomhlíon an Ballstát a oibleagáidí faoi Airteagal 143 sular osclaíodh an nós imeachta maidir le ceartuithe faoin mír seo;
- (c) go bhfuil an caiteachas san iarratas ar íocaíocht neamhrialta agus nár cheartaigh an Ballstát é sular osclaíodh an nós imeachta maidir le ceartuithe faoin mír seo.

Bunóidh an Coimisiún a cheartuithe airgeadais ar chásanna ar leithligh den neamhrialtacht atá tugtha faoi deara agus cuirfidh sé san áireamh más rud é gur neamhrialtacht shistéamach atá ann. I gcás nach féidir méid an chaiteachais neamhrialta a muirearaíodh ar na Cistí nó ar an CEMI a chainníochtú go cruinn, cuirfidh an Coimisiún ráta comhréidh nó ceartú eachtarshuite airgeadais i bhfeidhm.

2. Déanfaidh an Coimisiún, agus cinneadh á dhéanamh aige i ndáil le ceartú faoi mhír 1, prionsabal na comhréireachta a urramú trí chineál agus tromaíocht na neamhrialtachta agus méid agus impleachtaí airgeadais na n-easnamh sna córais bhainistíochta agus rialaithe a aimsíodh sa chlár oibríochtúil a chur san áireamh.

3. I gcás in bhfuil seasamh an Choimisiúin bunaithe ar thuarascálacha iniúchóirí nach iniúchóirí a chuid seirbhísí féin iad, tiocfaidh sé ar a chonclúidí féin maidir leis na hiarmhairtí airgeadais tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar na bearta a rinne an Ballstát lena mbaineann faoi Airteagal 143(2), ar na fógraí a seoladh faoi Airteagal 122(2) agus ar fhreagraí ar bith ón mBallstát.

4. I gcomhréir le hAirteagal 22(7), i gcás ina suíonn an Coimisiún, bunaithe ar an iniúchadh ar an tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme an chláir oibríochtúil do na Cistí nó ar an tuarascáil bhliantúil dheireanach ar chur chun feidhme do CEMI, go bhfuil mainneachtain thromchúiseach ann na spriocanna arna leagan amach sa chreat feidhmíochta a bhaint amach, féadfaidh sé, trí ghníomhartha cur chun feidhme, ceartuithe airgeadais a chur i bhfeidhm maidir leis na tosaíochtaí lena mbaineann.

5. I gcás nach gcomhlíonann Ballstát a chuid oibleagáidí faoi Airteagal 95, féadfaidh an Coimisiún, maidir lena mhéid nach gcomhlíontar na hoibleagáidí sin, ceartú airgeadais a dhéanamh trí rannchuidiú na gCistí Struchtúracha leis an mBallstát, nó cuid den rannchuidiú sin, a chur ar ceal.

6. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 149, lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir leis na critéir chun easnamh thromchúiseacha i bhfeidhmiú éifeachtach na gcóras bainistíochta agus rialaithe a chinneadh, lena n-áirítear príomhchineálacha easnamh thromchúiseacha den sórt sin, na critéir maidir le bunú leibhéal an cheartaithe airgeadais a chur i bhfeidhm, agus na critéir chun rátaí comhréidhe nó ceartuithe eachtarshuite airgeadais a chur i bhfeidhm.

7. Sna rialacha Ciste-shonracha le haghaidh CEMI, féadfar bunúis shonracha a leagan síos maidir le híocaíochtaí a bhriseadh, a bheidh nasctha le neamhchomhlíonadh na rialacha is infheidhme faoin gComhbheartas Iascaigh, agus a bheidh comhréireach, ag féachaint do chineál, tromaíocht, fad agus atarlú an neamhchomhlíonta.

*Airteagal 145***Nós Imeachta**

1. Sula ndéanfar cinneadh maidir le ceartú airgeadais, seolfaidh an Coimisiún an nós imeachta tríd an mBallstát a chur ar an eolas faoi chonclúidí sealadacha a scrúdaithe agus trína iarraidh ar an mBallstát a bharúlacha a thíolacadh laistigh de dhá mhí.

2. I gcás ina mbeartóidh an Coimisiún ceartú airgeadais a dhéanamh ar bhonn eachtarshuímh nó ráta comhréidh, tabharfar deis don Bhallstát a léiriú, trí bhithin scrúdaithe ar an doiciméadacht lena mbaineann, go bhfuil méid iarbhair na neamhrialtachta níos lú ná mar a mheas an Coimisiún. I gcomhaontú leis an gCoimisiún, féadfaidh an Ballstát raon feidhme an scrúdaithe sin a theorannú go dtí cion nó sampla iomchuí den doiciméadacht lena mbaineann. Ní rachaidh an t-am a bheidh ceadaithe don scrúdú sin thar thréimhse dhá mhí eile tar éis an dá mhí dá dtagraítear i mír 1, ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo.

3. Déanfaidh an Coimisiún aon fhianaise a sholáthraíonn an Ballstát laistigh de na teorainneacha ama a leagtar amach i mír 1 agus mír 2 a chur san áireamh.

4. I gcás nach nglacfaidh an Ballstát le conclúidí sealadacha an Choimisiúin, tabharfar cuireadh don Bhallstát freastal ar éisteacht ag an gCoimisiún, d'fhonn a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis ábhartha agus na barúlacha ábhartha ar fad ar fáil mar bhonn le conclúidí an Choimisiúin i dtaobh an ceartú airgeadais a chur i bhfeidhm.

5. I gcás comhaontaithe, agus gan dochar do mhír 6 den Airteagal seo, féadfaidh an Ballstát na Cistí lena mbaineann a athúsáid i gcomhréir le hAirteagal 135(3).

6. Chun ceartuithe airgeadais a chur i bhfeidhm, déanfaidh an Coimisiún cinneadh, trí ghníomhartha cur chun feidhme, laistigh de shé mhí ó dháta na héisteachta, nó ón dáta a fhaightear an fhaisnéis bhreise i gcás ina n-aontaíonn an Ballstát faisnéis bhreise den sórt sin a thíolacadh tar éis na héisteachta. Déanfaidh an Coimisiún gach faisnéis agus gach barúil a tíolacadh le linn an nós imeachta a chur san áireamh. Mura mbeidh éisteacht ann, tosóidh an tréimhse sé mhí dhá mhí tar éis dháta na litreach lenar tugadh cuireadh chuig an éisteacht agus a sheol an Coimisiún.

7. I gcás ina mbraitheann an Coimisiún, agus a fhreagrachtaí faoi Airteagal 65 á gcur i gcrích aige, nó i gcás ina mbraitheann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa neamhrialtachtaí lena léirítear easnamh tromchúiseach i bhfeidhmiú éifeachtach na gcóras bainistíochta agus rialaithe, is é an toradh a bheidh ar an gceartú airgeadais dá thoradh sin go laghdófar an tacaíocht ó na Cistí leis an gclár oibríochtúil.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir le heasnamh tromchúiseach i bhfeidhmiú éifeachtach chórais bhainistíochta agus rialaithe, arb easnamh é, roimh an dáta a ndearna an Coimisiún nó Cúirt na nIniúchóirí í a bhrath:

(a) a sainaitníodh sa dearbhú bainistíochta, sa tuarascáil bhliantúil ar rialú nó sa tuairim iniúcháireachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 59(5) den Rialachán Airgeadais nó i dtuarascálacha eile iniúcháireachta an údarás iniúcháireachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin nó i mbearta iomchuí a glacadh; nó

(b) a bhí faoi réir beart iomchuí leasúcháin ag an mBallstát.

Beidh measúnú easnamh tromchúiseach i bhfeidhmiú chóras bainistíochta agus rialaithe bunaithe ar an dlí is infheidhme tráth curtha isteach na ndearbhuithe bainistíochta, na dtuarascálacha bliantúla ar rialú agus na dtuairimí iniúcháireachta ábhartha.

Agus cinneadh á dhéanamh aige maidir le ceartú airgeadais, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

(a) urramóidh sé prionsabal na comhréireachta trí chineál agus tromaíocht an easnamh tromchúisigh i bhfeidhmiú éifeachtach chórais bhainistíochta agus rialaithe a chur san áireamh mar aon leis na himpleachtaí a bheidh aige ar bhuiséad an Aontais;

(b) chun ráta comhréidh nó ceartú eachtarshuite a chur i bhfeidhm, eisiafaidh sé caiteachas neamhrialtach a bhraith an Ballstát roimhe sin agus a bhí faoi réir coigeartuithe sna cuntais i gcomhréir le hAirteagal 139(10), agus eisiafaidh sé freisin caiteachas atá faoi réir measúnaithe leanúnaigh ar a dhlíthiúlacht agus ar a rialacht faoi Airteagal 137(2);

(c) cuirfidh sé san áireamh ráta comhréidh nó ceartuithe eachtarshuite a chuir an Ballstát i bhfeidhm maidir leis an gcaiteachas i gcás easnamh eile tromchúiseach a bhraith an Ballstát agus an riosca iarmharach i dtaca le buiséad an Aontais á chinneadh aige.

8. Sna rialacha Ciste-shonracha le haghaidh CEMI, féadfar rialacha nós imeachta breise maidir le ceartuithe airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 144(7) a leagan síos.

Airteagal 146

Oibleagáidí na mBallstát

Ní dhéanfaidh ceartú airgeadais ag an gCoimisiún dochar d'oibleagáid an Bhallstáit aisghabhálacha a shaothrú faoi

Airteagal 143(2) den Rialachán seo agus Státchabhair a ghnóthú de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE agus faoi Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ón gComhairle ⁽¹⁾.

Airteagal 147

Aisíocíocht

1. Déanfar aon aisíocíocht a bheidh le déanamh le buiséad ginearálta an Aontais a chur i gcrích roimh an dáta dlite atá sonraithe san ordú gnóthaithe arna tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 73 den Rialachán Airgeadais. Is ar an lá deiridh den dara mí tar éis an t-ordú a eisiúint a bheidh an dáta dlite.

2. Má bhíonn aon mhoill ann a bhaineann le haisíocíocht a dhéanamh, beidh ús i ngeall ar íocaíocht dheireanach i gceist ag tosú ar an dáta dlite agus ag críochnú ar dháta na híocaíochta iarbhír. Beidh ráta an úis sin pointe céatadán go leith os cionn an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach ina phríomhoibríochtaí athmhaoinithe ar an gcéad lá oibre den mhí ina mbeidh an dáta dlite.

TEIDEAL III

RIALÚ COMHRÉIREACH AR CHLÁIR OIBRÍOCHTÚLA

Airteagal 148

Rialú comhréireach ar chláir oibríochtúla

1. Oibríochtaí nach dtéann an caiteachas incháilithe iomlán dóibh thar EUR 200 000 i leith CFRE agus an Chiste Chomhtháthaithe, EUR 150 000 i leith CSE nó EUR 100 000 i leith CEMI, ní bheidh siad faoi réir níos mó ná iniúchadh amháin ag an údarás iniúcháireachta nó ag an gCoimisiún sula gcuirfear isteach na cuntais ina n-áirítear caiteachas deiridh na hoibríochta lánchríochnaithe. Ní bheidh oibríochtaí eile faoi réir níos mó ná iniúchadh amháin in aghaidh na bliana cuntasáíochta ag an údarás iniúcháireachta nó ag an gCoimisiún sula gcuirfear isteach na cuntais ina n-áirítear caiteachas deiridh na hoibríochta lánchríochnaithe. Ní bheidh oibríochtaí faoi réir iniúchta ag an gCoimisiún nó ag an údarás iniúcháireachta in aon bhliain má rinne Cúirt Iniúchóirí na hEorpa iniúchadh sa bhliain sin cheana féin, ar choinníoll gur féidir leis an údarás iniúcháireachta nó leis an gCoimisiún, chun a gcúraimí faoi seach a chomhlíonadh, torthaí na hoibre iniúcháireachta a rinne Cúirt Iniúchóirí na hEorpa le haghaidh na n-oibríochtaí sin a úsáid.

2. I gcás clár oibríochtúil a léiríonn an tuairim iniúcháireachta is déanaí ina leith nach bhfuil aon easnamh shuntasacha ann, féadfaidh an Coimisiún aontú leis an údarás iniúcháireachta sa chruinniú ina dhiaidh sin dá dtagraítear in Airteagal 128(3) go bhféadfar leibhéal na hoibre iniúcháireachta a cheanglaítear a dhéanamh a laghdú ionas go mbeidh sé i gcomhréir leis na rioscaí a shuítear. I gcásanna den sórt sin, ní dhéanfaidh an Coimisiún féin a iniúchtaí ar an láthair mura bhfuil fianaise ann a thabharfadh le fios go bhfuil easnamh sa chóras bainistíochta agus rialaithe a dhéanann difear do chaiteachas arna dhearbhu don Choimisiún i mbliain chunta-saíochta inar ghlac an Coimisiún leis na cuntais sin.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ón gComhairle an 22 Márta 1999 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun Airteagal 93 de Chonradh CE a chur i bhfeidhm (IO L 83, 27.3.1999, lch. 1).

3. I gcás clár oibríochtúil dá bhfuil an Coimisiún den tuairim go bhfuil tuairim an údaráis iniúchóireachta iontaofa, féadfaidh sé aontú leis an údarás iniúchóireachta chun na hiniúchtaí ar an láthair sin arna ndéanamh ag an gCoimisiún, a theorannú chuig obair an údaráis iniúchóireachta a iniúchadh mura bhfuil fianaise ann go bhfuil easnaimh in obair an údaráis iniúchóireachta i mbliain chuntasaíochta inar ghlac an Coimisiún leis na cuntais.

4. D'ainneoin mhír 1, féadfaidh an t-údarás iniúchóireachta agus an Coimisiún iniúchtaí a dhéanamh ar oibríochtaí i gcás ina suitear i measúnú riosca nó iniúchadh a dhéanann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa go bhfuil riosca sonrathach neamhrialtachta nó calaoise ann, i gcás ina bhfuil fianaise ann d'easnaimh thromchúiseacha i bhfeidhmiú éifeachtach chóras bainistíochta agus rialaithe an chlár oibríochtúil lena mbaineann, agus, le linn na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 140(1). Féadfaidh an Coimisiún, chun measúnú a dhéanamh ar obair an údaráis iniúchóireachta, athbhreithniú a dhéanamh ar rian iniúchóireachta an údaráis iniúchóireachta nó páirt a ghlacadh in iniúchadh ar an láthair an údaráis iniúchóireachta agus, i gcás ina gá, i gcomhréir le caighdeán iniúchóireachta a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo, chun dearbhú a fháil maidir le feidhmiú éifeachtach an údaráis iniúchóireachta, féadfaidh an Coimisiún iniúchtaí a dhéanamh ar oibríochtaí.

CUID A CÚIG

TARMLIGEAN CUMHACHTA, FORÁLACHA CUR CHUN FEIDHME, IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS DEIRIDH

CAIBIDIL I

Tarmligean cumhachta agus forálacha cur chun feidhme

Airteagal 149

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(3), sa dara mír d'Airteagal 12, sa cheathrú fómhír d'Airteagal 22(7), in Airteagal 37(13), sa tríú fómhír d'Airteagal 38(4), in Airteagal 41(3) agus (5), sa dara fómhír d'Airteagal 42(1), sa dara fómhír, sa tríú fómhír, sa cheathrú fómhír agus sa seachtú fómhír d'Airteagal 61(3), in Airteagal 63(4), in Airteagal 64(4), sa dara fómhír d'Airteagal 68(1), sa cheathrú fómhír d'Airteagal 101(1), a chúigiú fómhír d'Airteagal 122(2), sa chéad fómhír d'Airteagal 125(8) agus d'Airteagal (9), in Airteagal 127(7) agus (8) agus in Airteagal 144(6) a thabhairt don Choimisiún amhail ón 21 Nollaig 2013 go dtí an 31 Nollaig 2020.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(3), sa dara mír d'Airteagal 12, sa cheathrú fómhír d'Airteagal 22(7), in Airteagal 37(13), sa tríú fómhír d'Airteagal 38(4), in Airteagal 41(3)), sa dara fómhír d'Airteagal 42(1), in Airteagal 42(6), sa dara fómhír, sa tríú fómhír, sa cheathrú fómhír agus sa seachtú fómhír d'Airteagal 61(3), in Airteagal 63(4) agus in Airteagal 64(4), sa dara fómhír d'Airteagal 68(1), sa cheathrú fómhír d'Airteagal 101(1), sa chúigiú fómhír d'Airteagal 122(2), sa chéad fómhír d'Airteagal 125(8), in Airteagal 125(9) in Airteagal 127(7) agus (8) agus in Airteagal 144(6) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh

deireadh a chur le tarmligean na gcumhachtaí atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5(3), an dara mír d'Airteagal 12, an ceathrú fómhír d'Airteagal 22(7), Airteagal 37(13), an tríú fómhír d'Airteagal 38(4), Airteagal 40(3) agus (5), an dara fómhír d'Airteagal 42(1), Airteagal 42(6), an dara fómhír, an tríú fómhír, an ceathrú fómhír agus an tseachtú fómhír d'Airteagal 61(3), in Airteagal 63(4) agus in Airteagal 64(4), an dara fómhír d'Airteagal 68(1), an ceathrú fómhír d'Airteagal 101(1), an chúigiú fómhír d'Airteagal 122(2), na chéad fómhíre d'Airteagal 125(8), in Airteagal 125(9), Airteagal 127(7) agus (8) agus Airteagal 144(6) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 150

Nós imeachta coiste

1. Déanfaidh Coiste Comhordúcháin i gcomhair Chistí SIE cúnaimh a thabhairt don Choimisiún maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, Rialachán CFRE, Rialachán CCE, Rialachán CSE agus Rialachán CC. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás nach dtugann an coiste tuairim uaidh, ní ghlacfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme i ndáil leis na cumhachtaí cur chun feidhme dá dtagraítear sa tríú mír d'Airteagal 8, sa chúigiú fómhír d'Airteagal 22(7), sa tríú fómhír d'Airteagal 38(3), in Airteagal 38(10), sa dara fómhír d'Airteagal 39(4), in Airteagal 46(3), sa dara fómhír d'Airteagal 96(2), in Airteagal 115(4), sa dara fómhír d'Airteagal 125(8), agus beidh feidhm ag an tríú fómhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

CAIBIDIL II

Forálacha idirthréimhseacha agus críochnaitheacha*Airteagal 151***Athbhreithniú**

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle athbhreithniú ar an Rialachán seo faoin 31 Nollaig 2020 i gcomhréir le hAirteagal 177 CFAE.

*Airteagal 152***Forálacha idirthréimhseacha**

1. Ní bheidh tionchar ag an Rialachán seo ar leanúint den chúnamh arna fhormheas ag an gCoimisiún ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 nó reachtaíocht ar bith eile a bhfuil feidhm aici maidir leis an gcúnamh sin ar an 31 Nollaig 2013, nó ar mhodhnú an chúnamh sin, lena n-áirítear é a chur ar ceal i bpáirt nó ina iomláine. Leanfaidh an Rialachán sin nó reachtaíocht eile is infheidhme den sórt sin d'fheidhm a bheith aige nó aici tar éis an 31 Nollaig 2013, dá bhrí sin, maidir leis an gcúnamh sin nó leis na hoibríochtaí lena mbaineann go dtí go ndúnfar iad. Chun críocha na míre seo, cuimseoidh cúnaimh cláir oibríochtúla agus mórthionscadail.

2. Leanfaidh iarratais ar chúnamh a fháil a rinneadh nó a formheasadh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 de bheith bailí.

3. I gcás ina mbainfidh Ballstát leas as an rogha a leagtar amach in Airteagal 123(3), féadfaidh sé iarraidh a thíolacadh don Choimisiún go ndéanfaidh an t-údarás bainistíochta feidhmeanna an údarais deimhniúcháin a chur i gcrích de mhaolú ar phointe (b) d'Airteagal 59(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 i gcomhair na gclár oibríochtúil comhfhreagrach a chuirtear chun feidhme ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006. Beidh measúnú a dhéanfaidh an t-údarás

iniúchóireachta ag gabháil leis an iarraidh. I gcás inar deimhin leis an gCoimisiún ar bhonn faisnéise a chuirfidh an t-údarás iniúchóireachta ar fáil agus a chuirfear ar fáil óna iniúchtaí féin go bhfeidhmíonn córais bhainistíochta agus rialaithe na gclár oibríochtúil sin go héifeachtach agus nach ndéanfar dochar dá bhfeidhmiú trí fheidhmeanna an údarais deimhniúcháin a bheith á gcur i gcrích ag an údarás bainistíochta, cuirfidh sé a chomhaontú in iúl don Bhallstát taobh istigh de dhá mhí ón dáta a fuair sé an iarraidh.

*Airteagal 153***Aisghairm**

1. Gan dochar do na forálacha a leagtar síos in Airteagal 152, aisghairtear leis seo Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006, le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.

2. Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV.

*Airteagal 154***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm ag Airteagal 20 go hAirteagal 29(3), pointe (a) d'Airteagal 38(1), Airteagal 58, Airteagal 60, Airteagal 76 go hAirteagal 92, Airteagal 118, Airteagal 120, Airteagal 121 agus Airteagal 129 go hAirteagal 147 den Rialachán seo le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.

Beidh feidhm ag an dara habairt den seachtú fómhír d'Airteagal 39(2) agus an cúigiú mír d'Airteagal 76 le héifeacht ón dáta a dtiocfaidh an leasú ar an Rialachán Airgeadais a bhaineann le leithreasuithe a shaoradh i bhfeidhm.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 17 Nollaig 2013.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

R. ŠADŽIUS

IARSCRÍBHINN I

COMHCHREAT STRAITÉISEACH

1. RÉAMHRÁ

Ar mhaithe le forbairt chomhchuí chothromaithe agus inbhuanaithe an Aontais a chur chun cinn agus rannchuidiú Chistí SIE le straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a uasmhéadú chomh maith leis na misin Chiste-shonracha de chuid Chistí SIE, lena n-áirítear comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, is gá a áirithiú go mbeidh infheistíocht trí Chistí SIE agus ionstraimí eile Aontais ina gcrannataca ag na gealltanais bheartais a dhéanfar i gcomhthéacs straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach. Déanfaidh an Comhchreat Straitéiseach (CS), dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 10, agus i gcomhall na dtosaíochtaí agus na guspóirí a leagtar síos sna Rialacháin Chiste-shonracha, treoirphrionsabail straitéiseacha a chur ar fáil chun cur chuige comhtháite forbartha ag úsáid Chistí SIE arna gcomhordú le hionstraimí agus beartais eile an Aontais, i gcomhréir le cuspóirí beartais agus spriocanna ceannlíne straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach agus, i gcás inarb iomchuí, na tionscnaimh shuaitheanta, agus na príomhdhúshláin chríochacha agus comhthéacsanna sonracha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla á gur san áireamh.

2. RANNCHUIDIÚ CHISTÍ SIE LE STRAITÉIS AN AONTAIS MAIDIR LE FÁS CLISTE, INBHUANAITHE AGUS UILECHUIMSITHEACH AGUS COMHLEANÚNACHAS LE RIALACHAS EACNAMAÍOCH AN AONTAIS

1. Chun tacú le spriocdhíríú éifeachtach ar fhás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach sna Comhaontuithe Comhpháirtíochta agus sna cláir, sainaitnítear leis an Rialacháin seo aon chuspóir théamacha déag arna leagan amach sa chéad mhír d'Airteagal 9, a chomhfhreagraíonn do thosaíochtaí straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a gheobhaidh tacaíocht ó Chistí SIE.
2. Ar aon dul leis na cuspóirí téamacha a leagtar amach a chéad mhír d'Airteagal 9, chun a áirithiú gur ann don mhais chriticiúil atá riachtanach chun fás agus poist a sholáthar, agus i gcomhréir le hAirteagal 18 den Rialacháin seo agus leis na rialacha Ciste-shonracha maidir le comhchruinniú téamach, díreoidh Ballstáit ar thacaíocht agus áiritheoidh siad éifeachtacht an mhéid a chaitheann siad. Tabharfaidh Ballstáit aird ar leith ar chaiteachas a chuireann leis an bhfás, lena n-áirítear caiteachas ar oideachas, taighde, nuálaíocht agus tíosacht ar fhuinneamh agus caiteachas chun an rochtain atá ag FBManna ar mhaoiniú a éascú agus chun inbhuanaitheacht chomhshaoil, agus bainistiú acmhainní nádúrtha agus gníomhú ar son na haeráide a áirithiú chomh maith le riarachán poiblí a nuachóiriú. Cuirfidh siad san áireamh freisin conas cuimsiú agus éifeachtacht na seirbhísí fostaíochta agus beartas gníomhach maidir leis an margaidh saothair a chothabháil agus a neartú d'fhonn dífhostaíocht a chomhrac, agus béim ar leith acu ar dhaoine óga agus dul i ngleic le hiarmhairtí sóisialta na géarchéime agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn.
3. Chun comhsheasmhacht le tosaíochtaí a bhunaítear i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh a áirithiú, agus a gComhaontuithe Comhpháirtíochta á n-ullmhú acu, pleanáilfaidh na Ballstáit úsáid Chistí SIE ag cur san áireamh na gClár Náisiúnta um Athchóiriú, i gcás inarb iomchuí, agus na moltaí tír-shonracha ábhartha is deireanaí arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 121(2) CFAE, agus moltaí ábhartha ón gComhairle arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 148(4) CFAE i gcomhréir lena ról agus a n-oibleagáidí. Déanfaidh na Ballstáit, i gcás nar gá, moltaí ábhartha ón gComhairle bunaithe ar an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus na cláir um choigeartú eacnamaíoch a chur san áireamh.
4. Chun an bealach ina gcuireann Cistí SIE le straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach sa chaoi is fearr a chinneadh, agus chun cuspóirí an Chonartha, lena n-áirítear comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, a chur san áireamh, roghnóidh Ballstáit na cuspóirí téamacha d'úsáid bheartaithe Chistí SIE laistigh de na chomhthéacsanna náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla iomchuí.

3. CUR CHUIGE COMHTHÁITE AGUS SOCRUITHE CHUN CISTÍ SIE A ÚSÁID

3.1 Réamhrá

1. I gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 15(2), cuirfidh an Comhaontú Comhpháirtíochta cur chuige comhtháite maidir le forbairt chríochach in iúl. Le roghnú na guspóirí téamacha agus na n-infheistíochtaí agus le roghnú tosaíochtaí an Aontais, áiritheoidh na Ballstáit go ndíreofar ar riachtanais forbraíochta agus dúshláin chríochacha ar bhealach comhtháite ar aon dul leis an anailís a leagtar amach i roinn 6.4. Féachfaidh na Ballstáit leis an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as na féidearthachtaí a bheidh ann chun soláthar comhordaithe agus comhtháite Chistí SIE a dheimhniú.
2. Áiritheoidh Ballstáit agus, i gcás inarb iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 4(4), réigiúin go mbeidh na hidirgh-abhálacha arna dtacú trí Chistí SIE comhlántach agus go gcuirfear chun feidhme iad ar bhealach comhordaithe d'fhonn sineirgí a chruthú, chun an costas agus an t-ualach riaracháin do chomhlachtaí bainistíochta agus do thairbhíthe a laghdú i gcomhréir le hAirteagal 4, le hAirteagal 15 agus le hAirteagal 27.

3.2 Comhordú agus comhlántacht

1. Oibreoidh na Ballstáit agus údarás bhainistíochta atá freagrach as cur chun feidhme Chistí SIE i ndlúthchomhar lena chéile agus an Comhaontú Comhpháirtíochta agus na cláir á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme acu, agus nuair a bheidh faireachán agus measúnú á dhéanamh orthu. Go háirithe, áiritheoidh siad go gcuirfear na gníomhaíochtaí seo a leanas i gcrích:
 - (a) réimsí idirghabhála a shainnithint inar féidir Cistí SIE a chomhcheangal ar bhealach comhlántach chun cuspóirí téamacha a leagtar amach sa Rialachán seo a bhaint amach;
 - (b) a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 4(6), go bhfuil socruithe ann chun Cistí SIE a chomhordú go héifeachtach chun tionchar agus éifeachtacht na gCistí a mhéadú lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí úsáid clár il-chiste do na Cistí;
 - (c) rannpháirteachas údarás bainistíochta atá freagrach as Cistí eile de chuid Cistí SIE nó údarás bainistíochta agus aireachtaí ábhartha eile i bhforbairt scéimeanna tacaíochta a chur chun cinn chun comhordú agus sineirgí a áirithiú agus forluíonna a sheachaint.
 - (d) i gcás inarb iomchuí, comhchoistí faireacháin le haghaidh clár lena gcuirtear Chistí SIE chun feidhme, a bhunú, agus socruithe eile comhbhainistíochta agus rialaithe a fhorbairt chun comhordú idir údarás atá freagrach as cur chun feidhme Chistí SIE a éascú;
 - (e) úsáid a bhaint as réitigh ríomh-Rialachais atá ar fáil a fhéadfaidh cabhrú le hiarrthóirí agus tairbhíthe, agus an úsáid is mó is féidir a bhaint as "aonaid uileghnó", lena n-áirítear chun comhairle a thabhairt faoi na deiseanna tacaíochta atá ar fáil trí gach ceann de Chistí SIE;
 - (f) sásraí a bhunú chun gníomhaíochtaí comhair arna maoiniú ag CFRE agus CSE a chomhordú le hinfheistíochtaí arna dtacú ag na gláir faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post²;
 - (g) cineálacha cur chuige coiteann idir Cistí SIE a chur chun cinn maidir le treoraíocht a thabhairt i leith forbairt oibríochtaí, glaonna ar thograí agus próiseas roghnúcháin nó sásraí eile chun rochtain ar na Cistí a éascú do thionscadail chomhtháite;
 - (h) comhar a spreagadh idir údarás bhainistíochta Cistí éagsúla de chuid Cistí SIE i réimse an fhaireacháin, na meastóireachta, na bainistíochta agus an rialaithe, agus na hiniúcháireachta.

3.3 Cur chuige comhtháite a spreagadh

1. Déanfaidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, Cistí SIE a chomhcheangal ina bpacáistí comhtháite ar leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta, agus iad saincheaptha chun díriú ar dhúshláin chríochacha shonracha chun tacú leis na cuspóirí a leagtar amach sa Chomhaontú Comhpháirtíochta agus sna cláir a bhaint amach. Féadtar é sin a dhéanamh trí úsáid a bhaint as ICCanna, oibríochtaí comhtháite, Comhphleananna Gníomhaíochta agus forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail.
2. I gcomhréir le hAirteagal 36, chun úsáid comhtháite na gCuspóirí téamacha a bhaint amach, féadfar cistiú ó aiseanna éagsúla tosaíochta nó ó chlár oibríochta éagsúla arna dtacú ag CSE, ag CFRE agus ag an gCiste Comhtháthaithe a chomhcheangal faoi chuimsiú ICC. Féadfar gníomhaíochtaí a chuirtear i gcrích faoi ICC a chomhlánú le tacaíocht airgeadais ó na cláir faoi CETFT nó faoi CEMI faoi seach.
3. I gcomhréir le forálacha ábhartha de chuid na rialacha Ciste-shonracha, chun tionchar agus éifeachtacht a mhéadú i gcur chuige comhtháite téamúil comhleanúnach, d'fhéadfadh ais tosaíochta a bheith bainteach le níos mó ná ceann amháin de na réigiúin, d'fhéadfadh sí tosaíocht infheistíochta chomhlántach amháin nó níos mó ó CFRE, ón gCiste Comhtháthaithe agus ó CSE a chomhcheangal faoi chuspóir téamach amháin agus, i gcásanna cuí-réasúnaithe, d'fhéadfadh sí tosaíocht infheistíochta chomhlántach amháin nó níos mó ó chuspóirí téamacha éagsúla a chomhcheangal chun an t-uasmhéid rannchuidithe a bhaint amach i leith na haise tosaíochta sin.
4. Déanfaidh na Ballstáit, i gcomhréir lena gcreat institiúideach agus dlí agus le hAirteagal 32, forbairt cur chuige áitiúil agus foréigiúnacha a chur chun cinn. Cuirfear forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail chun feidhme mar chuid de chur chuige straitéiseach lena áirithiú go gcuirfear tosaíochtaí arna leagan síos ar leibhéal níos airde san áireamh agus riachtanais áitiúla 'ó bhun aníos' á sainmhíniú. Dá bhrí sin, sainmhíneoidh na Ballstáit an cur chuige maidir le forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail in CETFT agus, i gcás inarb iomchuí, in CFRE, in CSE nó in CEMI i gcomhréir le hAirteagal 15(2) agus léireoidh siad sa Chomhaontú Comhpháirtíochta na príomhdhúshláin atá le sárú ar an mbealach sin, na príomhchuspóirí agus na príomhthosaíochtaí le haghaidh forbartha áitiúil faoi stiúir an phobail, na cineálacha críoch atá le cuimsiú, an ról sonracha a thabharfar do ghrúpaí gníomhaíochta áitiúla agus straitéisí á gcur i bhfeidhm agus an ról a bheartaítear do CETFT, agus i gcás inarb iomchuí do CFRE, do CSE nó do CEMI, i gcur chun feidhme straitéisí um fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail ar chineálacha éagsúla críoch amháin limistéir thuaithe, uirbeacha agus chósta agus na sásraí comhordúcháin comhfhreagracha.

4. COMHORDÚ AGUS SINEIRGÍ IDIR CISTÍ SIE AGUS BEARTAIS AGUS IONSTRAIMÍ EILE AONTAIS

Beidh comhordú na mBallstát dá bhforáiltear faoin roinn seo i bhfeidhm a mhéid a bhfuil sé beartaithe ag Ballstát úsáid a bhaint as tacaíocht ó Chistí SIE agus ó ionstraimí eile Aontais sa réimse beartais ábhartha. Ní hionann na cláir Aontais atá leagtha amach sa roinn seo agus liosta uileghabhálach.

4.1 Réamhrá

1. Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún, i gcomhréir leis na freagrachtaí atá orthu faoi seach, tionchar na mbeartas Aontais ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, agus ar chomhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach a chur san áireamh, d'fhonn sineirgí agus comhordú éifeachtach a chothú agus na modhanna is oiriúnaí a shainaithint agus a chur chun cinn i dtaobh cistí Aontais a úsáid chun tacú le hinflheistíocht áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Áiríteoidh na Ballstáit chomh maith go mbeidh comhlántacht idir beartais agus ionstraimí Aontais agus idirghabhálacha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.

2. Áiríteoidh na Ballstáit agus an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 4(6) agus leis na freagrachtaí atá orthu faoi seach, comhordú idir Cistí SIE agus ionstraimí ábhartha eile an Aontais ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát. Déanfaidh siad céimeanna iomchuí chun comhsheasmhacht sna céimeanna cláraigh agus cur chun feidhme a áirithiú idir idirghabhálacha arna dtacú ag Cistí SIE agus cuspóirí de chuid beartas eile Aontais. Chun na críche sin, féachfaidh siad leis na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- (a) comhlántachtaí agus sineirgí idir ionstraimí éagsúla Aontais ar leibhéal Aontais, náisiúnta agus réigiúnach a fheabhsú, i gcéim na pleanála agus le linn an chur chun feidhme araon;
- (b) struchtúir atá ann cheana a bharrfheabhsú agus, i gcás inar gá, struchtúir nua a bhunú lena n-éascófar sainaithint straitéiseach tosaíochtaí do na hionstraimí agus struchtúir éagsúla comhordúcháin ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, athobair a sheachaint agus réimsí inar gá tacaíocht airgeadais bhreise a shainaithint;
- (c) úsáid a bhaint as an bhféidearthacht tacaíocht ó ionstraimí éagsúla a chomhcheangal chun tacú le hoibríochtaí aonair agus oibriú i ndlúthchomhar leo siúd atá freagrach as cur chun feidhme ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun deiseanna comhleanúnacha agus cuíchóirithe a chur ar fáil do thairbhíthe.

4.2 Comhordú leis an gComhbheartas Talmhaíochta agus leis an gComhbheartas Iascaigh

1. Is dlúthchuid den Chomhbheartas Talmhaíochta é CETFT agus comhlánaíonn sé na bearta faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta a thugann tacaíocht dhíreach d'fheirmeoirí agus a thacaíonn le bearta margaidh. Dá bhrí sin, bainistíodh na Ballstáit na hidirghabhálacha sin le chéile ionas go n-uasmhéadófar sineirgí agus breisluach tacaíocht an Aontais.

2. Féachann CEMI le cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh athchóirithe agus an Bheartais Mhuirí Chomhtháite a bhaint amach. Bainfidh na Ballstáit, dá bhrí sin, úsáid as CEMI chun tacú le hiarrachtaí chun bailiú sonraí a fheabhsú agus rialú a neartú, agus áiríteoidh siad go lorgófar sineirgí chun tacú le tosaíochtaí an Bheartais Mhuirí Chomhtháite, amhail eolas muirí, spásphleanáil mhuirí, bainistíú comhtháite creasa cósta, faireachas muirí comhtháite, cosaint na timpeallachta muirí agus na bithéagsúlachta, agus oiriúnú d'éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide i limistéir chósta.

4.3 Fís 2020 ⁽¹⁾ agus cláir eile Aontais faoi bhainistíocht lárnach i réimsí an taighde agus na nuálaíochta

1. Beidh aird chuí ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún ar chomhordú, sineirgí agus comhlántachtaí a neartú idir Cistí SIE agus Fís 2020, ar an gClár um Iomaíochas Fiontar agus um fhiontair bheaga agus mheánmhéide (COSME) i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1287/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, agus ar chlár chistiúcháin ábhartha eile de chuid an Aontais atá faoi bhainistíocht lárnach agus déanfaidh siad dealú soiléir idir réimsí idirghabhála gach ceann acu ag an am céanna.

2. Forbróidh na Ballstáit straitéisí náisiúnta agus/nó réigiúnacha um 'speisealtóireacht chliste' i gcomhréir leis an gClár Náisiúnta um Athchóiriú, i gcás inarb iomchuí. Féadfaidh straitéisí den sórt sin a bheith i bhfoirm creata náisiúnta nó réigiúnaigh um beartais straitéiseacha do thaighde agus do nuálaíochta (T&N) le haghaidh 'speisialtóireachta cliste' nó féadfar iad a áireamh ann. Forbrófar straitéisí um speisialtóireacht chliste trí rannpháirteachas údarás bainistíochta náisiúnta nó réigiúnach agus geallsealbhóirí amhail ollscoileanna nó institiúidí ardoideachais, tionsclaíochta agus comhpháirtithe sóisialta i bpróiseas fionnachtana fiontraíochta. Beidh dlúthcheangal ag na húdaráis a bhaineann go díreach le Fís 2020 leis an bpróiseas sin. Déanfar an méid seo a leanas a áireamh sna straitéisí um speisialtóireacht chliste:

⁽¹⁾ COM(2011) 809 leagan deireanach.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1287/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Clár um Iomaíochas na bhFiontar agus na bhfiontar beag agus meánmhéide (COSME) (2014 - 2020) agus lena n-aighairtear Cinneadh Uimh. 1639/2006/CE. (Féach leathanach 33 den Iris Oifigiúil seo).

- (a) "Gníomhaíochtaí réamhtheachtacha" chun gníomhaithe T&N a ullmhú chun bheith rannpháirteach in Fís 2020 ("staighrí chun barr feabhais"), a ndéanfar iad a fhorbairt, i gcás inarb iomchuí, trí fhorbairt cumais. Neartófar an chumarsáid agus an comhar idir pointí teagmhála náisiúnta Fís 2020 agus údarais bhainistíochta Chistí SIE.
- (b) "Gníomhaíochtaí iartheachacha" chun an dóigh le torthaí T&N, a thig as Fís 2020 agus as cláir roimhe sin, a shaothrú agus a scaipeadh sa mhargadh agus béim ar leith ar thimpeallacht atá fabhrach don nuálaíocht do ghnó agus tionsclaíocht, lena n-áirítear FBManna, agus atá ag luí leis na tosaíochtaí a sainaitníodh le haghaidh na gríoch sa straitéis ábhartha um speisealtóireacht chliste.
3. Spreagfaidh na Ballstáit úsáid na bhforálacha sa Rialachán seo lena gceadaítear Chistí SIE a chomhcheangal le hacmhainní faoi Fís 2020 sna cláir ábhartha a úsáidfeadh chun codanna de na straitéisí dá dtagraítear i bpointe 2 a chur chun feidhme. Tabharfar comhthacaíocht d'údarais náisiúnta agus réigiúnacha chun na straitéisí sin a cheapadh agus a chur chun feidhme, chun deiseanna cómhaoinithe bonneagar T&N a bhaineann le leas na hEorpa a shainaitint, chun comhar idirnáisiúnta, tacaíocht mhodheolaíoch trí athbheithnithe piaraí, malartú dea-chleachtas agus oiliúint ar fud réigiún a chur chun cinn.
4. Breithneoidh na Ballstáit agus, i gcás inarb iomchuí faoi Airteagal 4(4), réigiúin, bearta breise atá ceaptha a n-acmhainneacht barr feabhais in T&N a spreagadh, ar bhealach atá comhlántach le Fís 2020 agus a chruthóidh sineirgí léi, go háirithe trí chomhchistí. Is éard a bheidh sna bearta sin:
- (a) sárinstiúidí taighde agus réigiúin bheagfhorbartha chomh maith le Ballstáit agus réigiúin atá tearcfheidhmíoch ó thaobh Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta (TFN) de a nascadh chun lárionaid barrfeabhais a chruthú nó chun athchóiriú a dhéanamh orthu sin atá ann cheana i réigiúin bheagfhorbartha agus i mBallstáit agus réigiúin atá tearcfheidhmíoch ó thaobh TFN;
- (b) naisc a chruthú le cnuasaigh nuálacha ag a bhfuil aitheantas barrfeabhais i réigiúin bheagfhorbartha agus i mBallstáit agus i réigiúin atá tearcfheidhmíoch ó thaobh TFN;
- (c) "Ollúnachtaí LET" a bhunú chun lucht acadúil den scoth a mhealladh, go háirithe chuig na réigiúin bheagfhorbartha agus chuig na Ballstáit agus réigiúin atá tearcfheidhmíoch ó thaobh TFN;
- (d) tacú le rochtain ar líonraí idirnáisiúnta a bheith ag taighdeoirí agus nuálaithe a bhfuil rannpháirtíocht leordhóthanach in easnamh orthu sa Limistéar Eorpach Taighde (LRT) nó a thagann ó réigiúin bheagfhorbartha nó ó mBallstáit agus réigiúin atá tearcfheidhmíoch ó thaobh TFN;
- (e) rannchuidiú mar is cuí leis na Comhpháirtíochtaí Eorpacha um Nuálaíocht;
- (f) institiúidí náisiúnta agus/nó cnuasaigh bharr feabhais a ullmhú chun bheith rannpháirteach i bPobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna) na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (ENT); agus
- (g) bheith ina n-óstaigh do cláir um shoghluaisteacht taighdeoirí idirnáisiúnta ardháilíochta a fhaigheann comhchistí ó "Ghníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie".

Féachfaidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, agus i gcomhréir le hAirteagal 70, leis an tsolúbthacht a úsáid chun tacú le hoibríochtaí lasmuigh de limistéar an chláir, le leibhéal infheistíochta is leordhóthanach chun mais chriticiúil a bhaint amach, chun na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chur chun feidhme sa tslí is éifeachtaí is féidir.

4.4 Cistiú taispeántais an Chúlchiste Iontrálaithe Nua 300 (NER 300) ⁽¹⁾

Áirítear le Ballstáit go gcomhordófar maoiniú ó Chistí SIE le tacaíocht ó chlár NER 300, a úsáideann na hioncaim ó cheantáil 300 milliún lámhaltas atá forchoimeáda faoi chúlchiste iontrálaithe nua na Scéime Eorpaí um Trádáil Astaíochtaí.

⁽¹⁾ Cinneadh ón gCoimisiún 2010/670/AE an 3 Samhain 2010 lena leagtar síos na critéir agus na bearta maidir le maoiniú tionscadal taispeántais trachtála atá ceaptha CO₂ a ghabháil ar bhealach sábháilte ó thaobh an chomhshaoil agus a stóráil go geolaíoch chomh maith le tionscadail taispeántais de theicneolaíochtaí nuálacha fuinnimh inathnuaite faoin scéim i ndáil le trádáil lámhaltas astaíochtaí gáis ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal arna bhunú le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 290, 6.11.2010, lch. 39).

4.5 Clár don Chomhshaoil agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE) ⁽¹⁾ agus an acquis maidir leis an gcomhshaoil

1. Féachfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún, trí fhócas téamach níos láidre i gclár agus i gcur i bhfeidhm phrionsabal na forbartha inbhuanaithe i gcomhréir le hAirteagal 8, le sineirgí a shaothrú le hionstraimí beartais Aontais (ionstraimí cistiúcháin agus neamhchistiúcháin araon) a fhónann don mhaolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, do chosaint an chomhshaoil agus d'éifeachtúlacht acmhainní.
2. Cuirfidh na Ballstáit chun cinn agus, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir le hAirteagal 4, áiritheoidh siad comhlántacht agus comhordú le LIFE, go háirithe le tionscadail chomhtháite i réimsí an dúlra, na bithéagsúlachta, an uisce, na dramhaíola, an aeir, an mhaolaithe ar an athrú aeráide agus an oiriúnaithe don athrú aeráide. Déanfar comhordú den sórt sin trí bhearta ar nós cistiú gníomhaíochtaí trí Chistí SIE a chomhlánaíonn tionscadail chomhtháite faoi LIFE a chur chun cinn agus trí úsáid réiteach, modhanna agus cur chuige arna mbailíochtú faoi LIFE a chur chun cinn chomh maith, inter alia, lena n-áirítear infheistíochtaí i mbonneagar glas, éifeachtúlacht fuinnimh, éicea-nuálaíocht, réitigh bunaithe ar an éiceachóras, agus glacadh le teicneolaíochtaí nuálacha gaolmhara.
3. Na pleananna, cláir nó straitéisí earnála ábhartha (lena n-áirítear an Creat Gníomhaíochta Tosaíochta, an Plean um Bainistiú Abhantracha, an Plean um Bainistiú Dramhaíola, an plean maolaithe nó an straitéis oiriúnaithe) féadfaidh siad a bheith ina gcreat comhordúcháin i gcás ina mbeartaítear tacaíocht do na réimsí lena mbaineann.

4.6 ERASMUS+ ⁽²⁾

1. Féachfaidh na Ballstáit le Cistí SIE a úsáid chun uirlisí agus modhanna a tastáladh agus a forbraíodh go ráthúil faoi "Erasmus+" a phríomhshruthú chun tionchar sóisialta agus eacnamaíoch na hinfeistíochta i ndaoine a uasmhéadú agus, inter alia spreagadh a thabhairt do thionscnaimh óige agus do ghníomhaíochtaí saoránach.
2. Cuirfidh na Ballstáit chun cinn agus áiritheoidh siad i gcomhréir le hAirteagal 4 comhordú éifeachtach idir Cistí SIE agus 'Erasmus+' ar an leibhéal náisiúnta trí dhealú soiléir a dhéanamh idir na cineálacha infheistíochta atá ann agus spriocghrúpaí a dtugtar tacaíocht dóibh. Féachfaidh na Ballstáit le comhlántacht a bhunú maidir le cistiú gníomhaíochtaí soghluaisteachta.
3. Bainfear comhordú amach trí shásraí comhair iomchuí a chur ar bun idir údarais bhainistíochta agus na gníomhaireachtaí náisiúnta arna mbunú faoi chlár 'Erasmus+', ar féidir leis cumarsáid thrédhearcach agus inrochtana a chothú i leith saoránach ar leibhéal an Aontais, ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal réigiúnach.

4.7 Clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta (EaSI) ⁽³⁾

1. Cuirfidh na Ballstáit chun cinn agus áiritheoidh siad i gcomhréir le hAirteagal 4(6) comhordú éifeachtach idir Clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta (EaSI) agus an tacaíocht a thugann Cistí SIE faoi na cuspóirí téamacha maidir le fostaíocht agus cuimsiú sóisialta. Áirítear leis an gcomhordú éifeachtach sin comhordú na tacaíochta a thugtar faoi ais EURES de EaSI le gníomhaíochtaí chun soghluaisteacht saothair trasnáisiúnta a fheabhsú lena dtacaíonn CSE chun soghluaisteacht gheografach oibrithe a chur chun cinn agus deiseanna fostaíochta a threisiú, chomh maith le comhordú idir tacaíocht Chistí SIE d'fhéinfhostaíocht, d'fhiontraíocht agus do chruthú gnó agus d'fhiontair shóisialta agus tacaíocht EaSI faoi ais an mhicreamhaoiniúcháin agus na fiontraíochta sóisialta.
2. Féachfaidh na Ballstáit leis na bearta is rathúla arna bhforbairt faoi ais ascnaimh an EaSI a mhéadú, go háirithe maidir le nuálaíocht shóisialta agus tástáil beartais shóisialta le tacaíocht CSE.

4.8 An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) ⁽⁴⁾

1. Ar mhaithe le breisluach Eorpach a uasmhéadú i réimsí an iompair, na teileachumarsáide agus an fhuinnimh, áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún go ndéanfar idirghabhálacha de chuid CFRE agus de chuid na gCistí Comhtháite a phleanáil i ndlúthchomhar leis an tacaíocht arna soláthar ag SCE, ionas gur féidir comhlántacht a áirithiú, a thobair a sheachaint agus a áirithiú go ndéanfar nascáil optamach idir na cineálacha éagsúla bonneagar ar leibhéal áitiúla, réigiúnach agus náisiúnta, agus ar fud an Aontais. Áiríteofar uaslumhánú na n-ionstraimí

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár don Chomhshaoil agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE) a bhunú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 614/2007 (Féach leathanach 185 den Iris Oifigiúil seo).

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear "Erasmus+": clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1719/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1720/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1298/2008/CE Féach leathanach 50 den Iris Oifigiúil seo).

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta ("EaSI") agus lena leasaítear Cinneadh Uimh. 283/2010/AE lena mbunaítear Saoráid Mhicreamhaoiniúcháin don Dul Chun Cinn Eorpach le haghaidh fostaíochta agus cuimsiú sóisialta (Féach leathanach 238 den Iris Oifigiúil seo). IO: cuir isteach, le do thoil, tagairt an doiciméid atá in COD(2011)0270.

⁽⁴⁾ Rialachán 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013, lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 680/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 67/2010 (IO L 348, 20.12.2013, lch. 129).

éagsúla cistiúcháin do thionscadail a mbeidh gné Aontais agus Margaidh Inmheánaigh acu, a thugann an breisluach Eorpach is airde, agus a chuireann comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach chun cinn, go háirithe na tionscadail sin a chuireann chun feidhme na gréasáin tosaíochta de bhonneagair iompair, fuinnimh agus dhigiteacha atá sainaitheanta sna creata beartais faoi seach den ghréasán tras-Eorpach chun bonneagar nua a thógáil agus bonneagar láithreach a uasghrádú go substaintiúil.

2. I réimse an iompair, beidh pleanáil na hinfheistíochta bunaithe ar an éileamh réadúil agus réamh-mheasta iompair agus sainaitheofar sna pleananna sin naisc atá ar iarraidh agus scrógaill tráchta, cuirfear san áireamh, i gcur chuige comhtháite, forbairt nasc trasteorann an Aontais, agus forbrófar naisc ar fud réigiún laistigh de Bhallstát. Aon infheistíochtaí a dhéantar i lúdracht réigiúnach leis an ngréasán cuimsitheach tras-Eorpach iompair (TEN-T) agus leis an gcroí-ghréasán TEN-T, áiríteofar leo go dtairbheoidh limistéir uirbeacha agus tuaithe de na deiseanna a bhaineann leis na príomhghréasáin.
 3. Nuair a thugtar tosaíocht d'infheistíochtaí a mbeidh tionchar lasmuigh de Bhallstát ar leith acu, go háirithe na Ballstáit sin atá mar chuid de chonairí croíghréasán an TEN-T, comhordófar í le pleanáil TEN-T agus le pleananna um chur chun feidhme conairí croíghréasáin, ionas go mbeidh infheistíochtaí ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe sa bhonneagar iompair ag luí go hiomlán le Treoirí TEN-T.
 4. Díreoidh Ballstáit ar fhoirmeacha inbhuanaithe iompair agus ar shoghluaisteacht inbhuanaithe uirbeach agus ar infheistíú a dhéanamh i limistéir a mbeidh an breisluach Eorpach is mó ag baint leo, ag cur san áireamh an gá atá le feabhas a chur ar cháilíocht, ar inrochtaineacht agus ar iontaofacht na seirbhísí iompair chun iompar poiblí a chur chun cinn. Ón uair a shainaitheofar iad, cuirfear infheistíochtaí in ord tosaíochta de réir an méid a rannchuidíonn siad le soghluaisteacht, le hinbhuanaitheacht, le gáis cheaptha teasa a laghdú, agus leis an Limistéar Iompair Eorpach Aonair, i gcomhréir leis an bhfís a leagtar amach sa Pháipéar Bán dar teideal "Treochlár um Limistéar Iompair Eorpach Aonair – I dtreo córais iompair atá iomaíoch agus tiosach ar acmhainní", ag cur béime go bhfuil laghdú suntasach ar gháis cheaptha teasa ag teastáil san earnáil iompair. Ba cheart rannchuidiú na dtionscadal le líonraí iompair inbhuanaithe lasta na hEorpa trí fhorbairt na n-uiscebhealaí intíre a chur chun cinn ar bhonn measúnú roimh ré ar a dtionchar ar an gcomhshaol.
 5. Tabharfaidh Cistí SIE na bonneagair áitiúla agus réigiúnacha agus a nascálacha do na gréasáin tosaíochta Aontais i réimsí an fhuinnimh agus na teileachumarsáide i gcrích.
 6. Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún sásraí tacaíochta comhordúcháin agus teicniúla iomchuí a chur ar bun chun comhlántacht agus pleanáil éifeachtach beart TFC a áirithiú chun úsáid iomlán a bhaint as na hionstraimí éagsúla Aontais (Cistí SIE, SCE, gréasáin Thras-Eorpacha, Fís 2020) atá ann chun gréasáin leathanbhanda agus na bonneagair seirbhísí dhigiteacha a mhaoiniú. Agus an ionstraim maoinithe is iomchuí á roghnú cuirfear san áireamh acmhainneacht ghinte ioncaim na hoibríochta agus an leibhéal riosca a bhaineann leis chun an úsáid is éifeachtaí is féidir a bhaint as cistí poiblí. Ba cheart go mbeadh aird ag na Ballstáit, i gcomhthéacs na meastóireachta a dhéanann siad ar iarratais ar thacaíocht ó Chistí SIE, ar na meastóireachtaí a dhéantar ar oibríochtaí a bhaineann leo, ar iarratais iad a tíolacadh le haghaidh le haghaidh CEF ach nár roghnaíodh, gan dochar do chinneadh roghnúcháin deiridh an údarais bhainistíochta.
- 4.9 An Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais, an Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht agus an Ciste Forbraíochta Eorpach
1. Féachfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún, i gcomhréir lena bhfreagrachtaí faoi seach, le comhordú idir ionstraimí seachtracha agus Cistí SIE a mhéadú chun iliomad cuspóirí beartais Aontais a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí. Tá comhordú agus comhlántachtaí idir an Ciste Forbraíochta Eorpach, an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais agus an Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht thar a bheith tábhachtach.
 2. Ar mhaithe le tacú le comhtháthú críochach níos doimhne, féachfaidh na Ballstáit le tairbhe a bhaint as sineirgí idir gníomhaíochtaí comhair chríocheaigh faoi bheartas comhtháthaithe agus faoi na hionstraimí Eorpacha um Chomharsanacht, go háirithe maidir le gníomhaíochtaí comhair trasteorann, agus an acmhainneacht a thairgeann EGTCanna á cur san áireamh acu.
5. PRIONSABAIL CHOTHROMÁNACHA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 5, IN AIRTEAGAL 7 AGUS IN AIRTEAGAL 8 AGUS CUSPÓIRÍ BEARTAIS TRASEARNÁLACHA
- 5.1 Comhpháirtíocht agus rialachas il-leibhéil
1. I gcomhréir le hAirteagal 5, urramóidh na Ballstáit prionsabal na comhpháirtíochta agus an rialachais il-leibhéil chun gur fusa comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach agus cur i gcrích thosaíochtaí an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a bhaint amach. Chun na prionsabail sin a urramú, tá gníomhaíocht chomhordaithe ag teastáil, go háirithe idir na leibhéil éagsúla rialachais, arna déanamh i gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, agus i gcomhpháirtíocht, lena n-áirítear trí bhíthin comhair oibríochtúil agus institiúidigh, maidir le hullmhú agus cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus na gclár.

2. Scrúdóidh na Ballstáit an gá atá le cumas institiúideach na gcomhpháirtithe a neartú chun a n-acmhainneacht a fhorbairt chun rannchuidiú le héifeachtacht na comhpháirtíochta.

5.2 Forbairt inbhuanaithe

1. Déanfaidh na Ballstáit agus na húdaráis bhainistíochta, i ngach céim de chur chun feidhme, a áirithiú go ndéanfar an fhorbairt inbhuanaithe a ionchorprú ina hiomláine in Cistí SIE, ag urramú phrionsabal na forbartha inbhuanaithe mar a leagtar síos in Airteagal 3(3) CAE, chomh maith leis an oibleagáid i dtaobh ceanglas maidir le cosaint chomhshaoil a chomhtháthú a chomhlíonadh de bhun Airteagal 11 CFAE agus an phrionsabail 'íoc mar a thruaillítear' mar atá leagtha amach in Airteagal 191(2) CFAE.

Gabhfadh údaráis bhainistíochta gníomhaíochtaí de láimh le linn shaolré an chlár chun éifeachtaí dochracha atá ag idirghabhálacha don chomhshaoil a sheachaint nó a laghdú agus chun torthaí i nglansochair shóisialta, chomhshaoil agus aeráide a áirithiú. D'fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh sna gníomhaíochtaí atá le gabháil de láimh:

- (a) infheistíochtaí a threorú i dtreo na roghanna is tíosaí ar acmhainní agus is inbhuanaithe;
 - (b) infheistíochtaí a bhféadfadh tionchar diúltach nach beag a bheith acu ar an gcomhshaoil nó ar an aeráid a sheachaint, agus tacú le gníomhaíochtaí chun aon tionchair a bheadh fágtha a mhaolú;
 - (c) peirspeictíocht fhadtéarmach a ghlacadh agus costais 'shaolré' na roghanna malartacha infheistíochta á gcur i gcomparáid;
 - (d) soláthar poiblí glas a mhéadú.
2. Cuirfidh na Ballstáit san áireamh póitéinseal maolaithe agus oiriúnaithe i leith an athraithe aeráide maidir le hinfeistíochtaí arna ndéanamh le tacaíocht Chistí SIE, i gcomhréir le hAirteagal 8, agus áiritheoidh siad go bhfuil na hinfeistíochtaí sin athléimneach ó thaobh thionchar an athraithe aeráide agus tubaistí nádúrtha amháil rioscaí méadaithe tuilte, triomaigh, tonnta teasa, dóiteán foraoise agus eachtraí adhaimsire.
 3. Beidh infheistíochtaí comhsheasmhach le céimiúlacht bainistíochta an uisce, i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ agus béim á cur ar roghanna bainistithe éilimh. Ní mheasfar roghanna soláthair malartacha ach amháin nuair a bheidh deireadh leis an bpóitéinseal maidir le coigealtas agus éifeachtúlacht uisce. Beidh idirghabháil phoiblí in earnáil an bhainistithe dramhaíola comhlántach le hiarrachtaí san earnáil phríobháideach, go háirithe i ndáil le freagracht an táirgeora. Spreagfaidh infheistíochtaí cuir chuige nuálacha a chuireann ardleibhéil athchúrsála chun cinn. Beidh infheistíochtaí comhsheasmhach le céimiúlacht na dramhaíola a bunáidh faoi Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾. Beidh caitechas a bhaineann le bithéagsúlacht agus le cosaint acmhainní nádúrtha comhsheasmhach le Treoir 92/43/CEE ón gComhairle⁽³⁾.

5.3 Comhionannas idir fir agus mná agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn

1. I gcomhréir le hAirteagal 7, saothróidh na Ballstáit agus an Coimisiún cuspóir an chomhionannais idir fir agus mná agus déanfaidh siad bearta iomchuí chun aon idirdhealú a sheachaint agus oibríochtaí sna cláir arna gcómhaoiniú ag Cistí SIE á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme, agus faireachán agus meastóireacht á dhéanamh orthu. Agus cuspóirí Airteagal 7 á saothrú acu, tabharfaidh na Ballstáit tuairisc ar na gníomhaíochtaí atá le déanamh, go háirithe maidir le roghnú oibríochtaí, socrú cuspóirí idirghabhálacha, agus socruithe chun faireachán agus tuairiscíú a dhéanamh. Déanfaidh na Ballstáit anailís inscne i gcás inarb iomchuí. Go háirithe, tacófar le gníomhaíochtaí sonracha dírithe trí CSE.
2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 5 agus le hAirteagal 7, rannpháirteachas na gcomhlachtaí ábhartha atá freagrach as comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú sa chomhpháirtíocht a chur chun cinn, agus áiritheoidh siad struchtúir leormhaithe i gcomhréir le cleachtais náisiúnta chun comhairle a thabhairt maidir leis an gcomhionannas inscne, leis an neamh-idirdhealú agus le hinrochtaineacht chun an saineolas is gá a sholáthar agus Cistí SIE á n-ullmhú agus faireachán agus meastóireacht á ndéanamh orthu.
3. Gabhfadh údaráis bhainistíochta meastóireachtaí nó cleachtaí féinmheasúnaithe de láimh, i gcomhordú leis na coistí faireacháin, ag díriú ar chur i bhfeidhm phrionsabal an phríomhshruthaithe inscne.

⁽¹⁾ Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunáitear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

⁽²⁾ Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

⁽³⁾ Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

4. Díreoidh na Ballstáit, ar bhealach iomchuí, ar riachtanais na ngrúpaí faoi mhíbhuntáiste chun gur féidir leo lánpháirtíú níos fearr sa mhargadh saothair, agus ar an gcaoi sin a rannpháirtíocht iomlán sa tsochaí a éascú.

5.4 Inrochtaineacht

Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 7, bearta iomchuí chun cosc a chur ar aon chineál idirdhealaithe atá bunaithe ar mhíchumas. Maidir leis na táirgí, na hearraí, na seirbhísí agus na bonneagair go léir atá oscailte don phobal nó a sholáthraítear don phobal agus atá cómhaoinithe ag Cistí SIE, áiríteoidh údaráis bhainistíochta, trí bhíthin gníomhaíochta feadh shaolré an chláir, go bhfuil siad inrochtana ag na saoránaigh uile, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, agus sa tslí sin, trí threisiú a dhéanamh ar thimpeallacht saor ó bhacainní do dhaoine atá faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta. Áiríteofar, go háirithe, go mbeidh ag gach grúpa faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, inrochtaineacht ar an timpeallacht fhísiciúil, ar an iompar, agus ar TFC ionas go gcuirfear chun cinn cuimsiú na ngrúpaí sin. D'fhéadfaí a áireamh ar na gníomhaíochtaí a ghlacfar de láimh infheistíochtaí a dhíríú i dtreo inrochtaineacht i bhfoirgnimh atá ann cheana féin agus i seirbhísí bunaithe.

5.5 Tabhairt faoi athrú déimeagrafach

1. Cuirfear san áireamh ar gach leibhéal dúshláin an athraithe dhéimeagrafaigh, lena n-áirítear go háirithe na dúshláin sin a bhaineann leis an daonra infhostaithe a bheith ag laghdú, sciar méadaitheach daoine ar scor sa daonra iomlán agus le dídhaonrú. Bainfidh na Ballstáit úsáid as Cistí SIE, ag teacht le straitéisí ábhartha náisiúnta nó réigiúnacha i gcás ina bhfuil na straitéisí sin i bhfeidhm, chun dul i ngleic le fadhbanna deimeagrafacha agus chun fás a bhaineann le sochaí atá ag aosú a chruthú.
2. Bainfidh na Ballstáit úsáid as Cistí SIE, ag teacht le straitéisí ábhartha náisiúnta nó réigiúnacha chun cuimsiú na n-aoisghrúpaí uile a éascú, lena n-áirítear trí rochtain fheabhsaithe ar oideachas agus struchtúir tacaíochta sóisialta d'fhonn deiseanna fostaíochta do dhaoine scothaosta agus do dhaoine óga a fheabhsú agus béim ar leith ar réigiúin ina bhfuil rátaí arda óg-dhífhostaíochta i gcomparáid leis an meánráta Aontais. Díreoidh infheistíochtaí i mbonneagair sláinte ar shaol oibre fada sláintiúil a áirithiú do shaoránaigh uile an Aontais.
3. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sna réigiúin is mó atá thíos le hathrú déimeagrafach, sainithneoidh na Ballstáit go háirithe na bearta chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) tacú le hathnuachan déimeagrafach trí dhálaí níos fearr do theaghlaigh agus cothromaíocht níos fearr idir saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a chur chun cinn;
 - (b) fostaíocht a mhéadú, táirgiúlacht agus feidhmíocht eacnamaíoch a ardú trí infheistiú in oideachas, TFC, i taighde agus i nuálaíocht;
 - (c) díriú ar leormhaitheas agus cáilíocht oideachais, oiliúna agus struchtúir tacaíochta sóisialta agus freisin i gcás inarb iomchuí, ar éifeachtúlacht córas cosanta sóisialta;
 - (d) soláthar cúraim shláinte atá cost-éifeachtach agus cúram fadtéarmach a chur chun cinn, lena n-áirítear infheistíocht sa ríomhshláinte, sa ríomhchúram agus sa bhonneagar.

5.6 Maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin

I gcomhréir le hAirteagal 8, déanfar maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin agus cosc ar rioscáid maidir le hathrú aeráide a ionchorprú in ullmhú agus i gcur chun feidhme an Chomhaontuithe Comhpháirtíochta agus na gclár.

6. SOCRUITHE CHUN DUL I NGLEIC LE PRÍOMHDHÚSHLÁIN CHRÍOCHACHA

- 6.1 Cuirfidh Ballstáit gnéithe geografacha nó déimeagrafacha san áireamh agus tabharfaidh céimeanna chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chríochacha shonracha do gach réigiún chun a n-acmhainn shonrach a fhuascailt maidir le fás, agus sa chaoi sin cabhrófar leo fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a bhaint amach sa chaoi is éifeachtúla.
- 6.2 Maidir le roghnú agus cumasc na gcuspóirí téamacha, chomh maith le roghnú na hinfeistíochta comhfhreagraí agus na dtosaíochtaí Aontais chomh maith leis na sainchuspóirí, léireoidh siad riachtanais agus acmhainneacht gach Ballstáit agus réigiúin maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach.

- 6.3. Dá bhrí sin, agus Comhaontuithe Comhpháirtíochta agus cláir á réiteach ag na Ballstáit, cuirfear san áireamh go bhféadfadh sé go mbeidh tionchair dhifriúla ar na réigiúin dhifriúla ag na mórdhúshláin shochoíocha atá os comhair an Aontais inniu - domhandú, athrú déimeagrafach, díghrádú comhshaoil, imirce, athrú aeráide, úsáid an fhuinnimh, mar aon le hiarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta na géarchéime.
- 6.4. D'fhonn dul i ngleic le dúshláin chríochacha le cur chuige comhtháite críochach, áiritheoidh Ballstáit go léireoidh na cláir faoi Chistí SIE éagsúlacht na réigiún Eorpach, bíodh sé sin i dtéarmaí fostaíochta agus ghnéithe an mhargaidh shaothair, idirspiléachais idir earnálacha difriúla, patrúin chomaitéireachta, aoisiú an phobail agus athruithe déimeagrafacha, i dtéarmaí cultúrtha, i dtéarmaí na tírdhreacha agus gnéithe oidhreachta, i dtéarmaí a dtionchair ar iarmhairtí agus leochaileachtaí athraithe comhshaoil, i dtéarmaí úsáide talún agus srianta acmhainní, poitéinseal le haghaidh úsáid níos inbhuanaithe acmhainní nádúrtha lena n-áirítear socruithe institiúideacha agus rialtais, i dtéarmaí a nasctha nó a inrochtana agus i dtéarmaí idirnasachta na limistéar uirbeach agus tuaithe. Dá bhrí sin, i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 15(1), tabharfaidh Ballstáit faoi na céimeanna seo a leanas ar mhaithe le hullmhú dá gcuid Comhaontuithe Comhpháirtíochta agus dá gcuid glár:
- (a) Anailís ar shaintréithe, acmhainneacht agus cumas forbartha an Bhallstáit nó an réigiúin, go háirithe i ndáil leis na príomhdhúshláin a saináithníodh i straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, sna Cláir Náisiúnta um Athchóiriú, i gcás inarb iomchuí, sna moltaí tír-shonracha ábhartha arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 121(2) CFAE agus i moltaí ábhartha ón gComhairle arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 148(4) CFAE.
- (b) Measúnú ar na príomhdhúshláin a mbeidh ar an réigiún nó ar an mBallstát díriú orthu, saináithint na scrogall tráchta agus nasc atá ar iarraidh, bearnaí nuálaíochta, lena n-áirítear easpa acmhainneachta pleanála agus cur chun feidhme a chuirfidh bac ar acmhainneacht fhadtéarmach fáis agus post. Beidh an méid sin ina bhonn chun réimsí agus gníomhaíochtaí féideartha ó thaobh beartais a chur in ord tosaíochta, idirghabhála agus comhchruinnithe a shaináithint;
- (c) Measúnú ar na dúshláin chomhordúcháin thrasearnála, thrasdhlínse nó thrasteorann, go háirithe i gcomhthéacs na straitéisí macraireigiúnacha agus imchuach farraige;
- (d) Bearta a shaináithint chun comhordú níos fearr thar leibhéal éagsúla chríochacha, ag cur an scála críochach iomchuí agus an comhthéacs don dearadh beartais mar aon le creat institiúideach agus dlíthiúil na mBallstát san áireamh, agus foinsí cistithe a bhaint amach chun go mbeidh cur chuige comhtháite ann lena nascfar straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach le gníomhaithe réigiúnacha agus áitiúla.
- 6.5. Ar mhaithe le cuspóir an chomhtháthaithe chríochaigh a chur san áireamh, áiritheoidh na Ballstáit agus na réigiúin go ndéanfar, go háirithe, an cur chuige foriomlán i leith fáis chliste, inbhuanaithe agus uilechuimsithigh a chur chun cinn sna réimsí lena mbaineann:
- (a) ról na gcathracha, na limistéar uirbeach agus tuaithe, na limistéar iascaigh agus na limistéar cósta, agus na limistéar atá ag tabhairt aghaidh ar bhaic shonracha gheografacha nó dhéimeagrafacha a léiriú;
- (b) dúshláin shonracha na réigiún is forimeallaí, na réigiún is faide ó thuaidh a bhfuil daonra an-íseal iontu agus na réigiún oileánach, trasteorann nó sléibheteach a chur san áireamh;
- (c) go ndíreoidh sé ar naisc uirbeacha-tuaithe, i dtéarmaí rochtana ar bhonneagar agus seirbhísí inacmhainne, ardháilíochta, agus fadhbanna i réigiúin ina bhfuil ardtiúchan pobal atá imeallaithe go sóisialta.
7. Gníomhaíochtaí comhair
- 7.1 Comhordú agus comhlántacht
1. Féachfaidh na Ballstáit le comhlántacht a bhunú idir gníomhaíochtaí comhair agus gníomhaíochtaí eile a fhaigheann tacaíocht ó Chistí SIE.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go rannchuideoidh gníomhaíochtaí comhair ar bhealach éifeachtach le cuspóirí straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach agus go n-eagrófar comhar chun tacú le spriocanna beartais níos leithne. Chun é sin a bhaint amach áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún, i gcomhréir lena bhfreagrachtaí faoi seach, comhlántacht agus comhordú le cláir eile nó ionstraimí eile a fhaigheann cistiú ón Aontas.

3. Ar mhaithe le héifeachtacht an bheartais chomhtháthaithe a threisiú, féachfaidh na Ballstáit leis go mbeidh comhordú agus comhlántacht idir cláir faoi sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh agus "sprioc na hinfheistíochta le haghaidh fáis agus post", go háirithe le pleanáil chomhleanúnach a áirithiú agus le cur chun feidhme infheistíochta mórsála a éascú.
4. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, go mbeidh cuspóirí na straitéisí macraireigiúnacha agus imchuach farraige mar chuid den phleanáil straitéiseach fhoriomlán i gComhaontuithe Comhpháirtíochta, i gcomhréir le hAirteagal 15(2) den Rialachán seo, agus i gclár sna réigiúin agus sna Ballstáit lena mbaineann i gcomhréir le forálacha ábhartha de chuid na rialacha Ciste-shonracha. Féachfaidh na Ballstáit freisin lena áirithiú, i gcás go mbunaítear straitéisí macraireigiúnacha agus imchuach farraige, go dtabharfar tacú dá gcur chun feidhme ó Chistí SIE, i gcomhréir le hAirteagal 15(2) den Rialachán seo agus le forálacha ábhartha de chuid na rialacha Ciste-shonracha agus i gcomhréir le riachtanais limistéar an chláir arna sainaitheint ag na Ballstáit. Ar mhaithe le cur chun feidhme éifeachtúil a áirithiú beidh comhordú ann freisin le hionstraimí eile a fhaigheann tacaíocht ón Aontas agus le hionstraimí ábhartha eile.
5. I gcás inarb iomchuí, bainfidh na Ballstáit úsáid as an deis gníomhaíochtaí idir-réigiúnacha agus trasnáisiúnta a dhéanamh le tairbhíthe atá lonnaithe i mBallstát amháin eile ar a laghad faoi chuimsiú chreat na gclár oibríochtaí faoin sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus ost, lena n-áirítear cur chun feidhme beart ábhartha taighde agus nuálaíochta a thig as a straitéisí 'speisealtóireachta cliste'.
6. Bainfidh na Ballstáit agus na réigiúin an úsáid is fearr as clár chomhair chríochoigh chun baic ar an gcomhar a shárú thar theorainneacha riaracháin, agus straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach á threisiú mar aon leis an gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú. Sa chomhthéacs seo, ba cheart aird ar leith a dhíriú ar na réigiúin a chumhdaítear le hAirteagal 349 CFAE.

7.2 Comhar trasteorann, trasnáisiúnta, agus idir-réigiúnach faoi CFRE.

1. Féachfaidh na Ballstáit agus na réigiúin le comhar a úsáid chun tairseach chriticiúil a bhaint amach, inter alia, i réimse an TFC agus na taighde agus na nuálaíocht agus forbairt cur chuige comhpháirteach speisialtóireachta cliste agus comhpháirtíochta i measc na n-institiúidí oideachais a chur chun cinn freisin. Áireofar le comhar idir-réigiúnach, i gcás inarb iomchuí, comhar a chothú idir braislí agus malairtí nuálacha agus dian-thaighde agus institiúidí taighde, agus taithí na "Réigiúin Eolais" agus "An Cumas Taighde i Réigiúin Chóineasaithe agus sna Réigiúin is forimeallaí" faoin Seachtú Creachtlár um Thaighde á cur san áireamh.
2. Féachfaidh na Ballstáit agus na réigiúin le feidhm a bhaint as an gcomhar trasteorann agus trasnáisiúnta sna limistéir lena mbaineann chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) a áirithiú go dtacaítear le comhbhainistiú agus le cur chun cinn acmhainní nádúrtha na limistéar a chomhroinneann mórghnéithe geografacha (oileáin, lochanna, aibhneacha, imchuacha farraige nó sliabh-raonta);
 - (b) an bhairinneacht scála is féidir a bhaint amach a shaothrú, go háirithe maidir le hinfheistíocht a bhaineann le húsáid chomhroinnte na seirbhísí poiblí coiteanna;
 - (c) pleanáil chomhtháite agus forbairt chomhtháite an bhonneagair ghréasáin trasteorann a chur chun cinn, go háirithe maidir le naisc thrasteorann atá ar iarraidh, agus maidir le modhanna iompair i limistéir gheografacha níos mó ar modhanna iompair iad nach bhfuil díobhálach don timpeallacht agus atá idir-inoibritheach;
 - (d) mais chriticiúil a bhaint amach, go háirithe i réimse na taighde agus na núálaíochta agus TFC, i réimse an oideachais agus maidir le bearta lena gcuirtear feabhas ar iomaíochas FBManna.
 - (e) neart a chur leis an margadh saothair thrasteorann chun soghluaisteacht trasteorann na n-oibríthe a chaomhnú.
 - (f) feabhas a chur ar rialachas trasteorann.
3. Féachfaidh na Ballstáit agus na réigiúin le húsáid a bhaint as comhar idir-réigiúnach chun éifeachtúlacht an Bheartais Chomhtháthaithe a atreisiú trí mhalartú taithí a spreagadh idir réigiúin agus cathracha chun feabhas a chur ar cheapadh agus ar chur chun feidhme na gclár faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh Fáis agus Post agus faoi sprioc an Chomhair Chríochoigh Eorpaigh.

7.3 An méid a chuireann na cláir phríomhshrutha le straitéisí macraireigiúnacha agus imchuach farraige

1. I gcomhréir le pointe (a)(ii) d'Airteagal 15(2) den Rialachán seo agus le forálacha ábhartha de chuid na rialacha Ciste-shonracha féachfaidh na Ballstáit lena áirithiú go mbeidh slógadh rathúil chistiú an Aontais do na straitéisí macraireigiúnacha agus imchuach farraige i gcomhréir le riachtanais limistéar an chláir arna sainithint ag na Ballstáit. Féadfaidh slógadh rathúil a áirithiú, i measc gníomhaíochtaí eile, trí thosaíocht a thabhairt do na hoibríochtaí sin a eascraíonn as straitéisí macraireigiúnacha agus imchuach farraige trí ghlaonna sonracha a eagrú maidir leo nó trí thosaíocht a thabhairt do na hoibríochtaí sin sa phróiseas roghnúcháin trí oibríochtaí a aithint a fhéadfar a chomhfhaoiniú trí chlár éagsúla.
2. Déanfaidh na Ballstáit a machnamh faoi úsáid a bhaint as cláir ábhartha thrasnáisiúnta mar chreataí cun tacú le raon na mbeartas agus na gcistí is gá chun straitéisí macraireigiúnacha agus imchuach farraige a chur i bhfeidhm.
3. Cuirfidh na Ballstáit úsáid Chistí SIE chun cinn, i gcás inarb iomchuí, i gcomhlathéacs na straitéisí macraireigiúnacha, le haghaidh chruthú na gconairí Eorpacha iompair, lena n-áirítear tacú le nuachóiriú custaim; tubaistí nádúrtha a chosc, ullmhú dóibh agus freagairt a thabhairt orthu, bainistíú uisce ar leibhéal abhantracha, bonneagar glas, comhar comhtháite muirí thar theorainneacha agus earnálacha, gréasáin T&N agus TFC agus bainistíú foinsí muirí comhroinnte san imchuach farraige agus cosaint na bithéagsúlachta muirí.

7.4 Comhar trasnáisiúnta faoi CSE

1. Féachfaidh na Ballstáit le haghaidh a thabhairt ar na réimsí beartais atá sainaitheanta sna moltaí ábhartha ón gComhairle d'fhonn foghlaim fhriothpháirteach a uasmhéadú.
2. Roghnóidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, na téamaí le haghaidh na ngníomhaíochtaí trasnáisiúnta agus bunóidh siad sásraí cur chun feidhme iomchuí i gcomhréir lena riachtanais shonracha féin.

IARSCRÍBHINN II

MODH LENA MBUNAÍTEAR AN CREAT FEIDHMÍOCHTA

1. Is éard a bheidh sa chreat feidhmíochta garspriocanna atá bunaithe do gach tosaíocht, cé is moite de thosaíochtaí atá tiomnaithe do chúnaimh teicniúil agus cláir atá tiomnaithe d'ionstraimí airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 39, maidir leis an mbliain 2018 agus spriocanna atá bunaithe le haghaidh 2023. Cuirfear na garspriocanna agus na spriocanna i láthair i gcomhréir leis an bhformáid a leagtar amach i dtábla 1.

Tábla 1: Formáid chaighdeánach don chreat feidhmíochta

Tosaíocht	Táscaire agus aonad tomhais, i gcás inarb iomchuí		Garsprioc le haghaidh 2018	Sprioc le haghaidh 2023

2. Spriocanna idirmheánacha iad garspriocanna, atá nasctha go díreach le gnóthú sainchuspóra tosaíochta, i gcás inarb iomchuí, lena sloinntear an dul chun cinn atá beartaithe i dtreo na spriocanna atá socráithe do dheireadh na tréimhse. Áireofar le garspriocanna atá bunaithe le haghaidh 2018 táscairí airgeadais, táscairí aschuir agus, i gcás inarb iomchuí, táscairí toraidh, a bhfuil dlúthnasc acu leis na hidirghabhálacha tacaithe beartais. Ní chuirfear táscairí toraidh san áireamh chun críocha Airteagal 22(6) agus (7). Féadfár garspriocanna a bhunú freisin le haghaidh na bpríomhchéimeanna cur chun feidhme.
3. Beidh garspriocanna agus spriocanna:
- réalaíoch, indéanta, ábhartha, agus gabhfaidh siad faisnéis fhíor-riachtanach faoi dhul chun cinn tosaíochta;
 - comhsheasmhach le cineál agus carachtar sainchuspóirí na tosaíochta;
 - trédhearcach, agus beidh spriocanna atá infhíoraithe go hoibiachtúil iontu mar aon leis na sonraí foinse atá sainaitheanta agus, i gcás inar féidir, ar fáil go poiblí;
 - infhíoraithe, gan ualach riaracháin díréireach a fhorchur;
 - comhsheasmhach thar chláir oibríochtúla, i gcás inarb iomchuí.
4. Déanfar na spriocanna do 2023 le haghaidh tosaíochta ar leith a bhunú agus méid an chúlchiste feidhmíochta a bhaineann leis an tosaíocht á chur san áireamh.
5. I gcásanna cuí-réasúnaithe, amháil athrú suntasach i ndálaí geilleagair, comhshaoil agus mhargadh an tsaothair i mBallstáit nó i réigiún, agus sa bhreis ar leasuithe a eascraíonn as athruithe sna leithdháiltí a thugtar do thosaíocht ar leith, féadfaidh an Ballstát sin athbhreithniú ar na garspriocanna agus ar na spriocanna a mholadh i gcomhréir le hAirteagal 30.

IARSCRÍBHINN III

FORÁLACHA MAIDIR LE RAON FEIDHME AGUS LEIBHÉAL FHIONRAÍ NA GCEANGALTAS NÓ NA N-ÍOCAÍOCHTAÍ DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 23(11) A CHINNEADH**1. LEIBHÉAL FHIONRAÍ NA GCEANGALTAS A CHINNEADH**

Déanfar leibhéal uasta na fionraí a chuirtear i bhfeidhm i leith Ballstáit a chinneadh ar an gcéad ásc trí na huasteorainneacha a leagtar amach i bpointe (a) go pointe (c) den tríú fomhír d'Airteagal 23(11) pointe (a) go pointe (c) a chur san áireamh. Déanfar an leibhéal sin a laghdú má bhíonn feidhm ag ceann amháin nó níos mó don méid seo a leanas:

- (a) i gcás inar mó le dhá phointe céatadán an ráta dífhostaíochta sa Bhallstát don bhliain roimh an teagmhas spreagtha dá dtagraítear in Airteagal 23(9) ná an meánráta don Aontas, déanfar leibhéal uasta na fionraí a laghdú 15 %;
- (b) i gcás inar mó le cúig phointe céatadán an ráta dífhostaíochta sa Bhallstát don bhliain roimh an teagmhas spreagtha dá dtagraítear in Airteagal 23(9) ná an meánráta don Aontas, déanfar leibhéal uasta na fionraí a laghdú 25 %;
- (c) i gcás inar mó le hocht bpointe céatadán an ráta dífhostaíochta sa Bhallstát don bhliain roimh an teagmhas spreagtha dá dtagraítear in Airteagal 23(9) ná an meánráta don Aontas, déanfar leibhéal uasta na fionraí a laghdú 50 %;
- (d) i gcás inar mó le 10 bpointe céatadán don bhliain roimh an teagmhas spreagtha dá dtagraítear in Airteagal 23(9) an cion de dhaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh shóisialta sa Bhallstát ná an meánráta don Aontas, déanfar leibhéal uasta na fionraí a laghdú 20 %;
- (e) i gcás ina dtarlóidh crapadh ar fhíorOTI sa Bhallstát ar feadh dhá bhliain nó níos mó i ndiaidh a chéile roimh an teagmhas spreagtha dá dtagraítear in Airteagal 23(9), déanfar leibhéal uasta na fionraí a laghdú 20 %;
- (f) i gcás ina mbainfidh an fhionraí le ceangaltas do na blianta 2018, 2019 nó 2020, cuirfear laghdú i bhfeidhm ar leibhéal a thig ó chur i bhfeidhm Airteagal 32(11) mar a leanas:
 - (i) don bhliain 2018, déanfar leibhéal na fionraí a laghdú 15 %;
 - (ii) don bhliain 2019, déanfar leibhéal na fionraí a laghdú 25 %;
 - (iii) don bhliain 2020, déanfar leibhéal na fionraí a laghdú 50 %.

Ní bheidh an laghdú i leibhéal na fionraí a thig as pointe (a) go pointe (f) a chur i bhfeidhm níos mó ná 50 % ar an iomlán.

I gcás ina dtarlóidh an toisc a dtugtar tuairisc uirthi i bpointe (b) nó i bpointe (c) go comhuaineach le pointí (d) agus (e) araon, déanfar éifeacht na fionraí a chur siar bliain.

2. RAON FEIDHME FHIONRAÍ NA GCEANGALTAS AR FUD NA GCLÁR AGUS NA DTOSAÍOCHTAÍ A CHINNEADH

Maidir le fionraí na gceangaltas a chuirtear i bhfeidhm i leith Ballstáit, déanfaidh sé difear go comhréireach ar an gcéad ásc do na cláir agus tosaíochtaí uile.

Déanfar, áfach, na cláir agus na tosaíochtaí seo a leanas a eisiamh ó raon feidhme na fionraí:

- (i) cláir nó tosaíochtaí atá cheana féin faoi réir cinnidh maidir le fionraí arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23(6);
- (ii) cláir nó tosaíochtaí a bhfuil a n-acmhainní le méadú mar thoradh ar iarraidh um athshannadh arna díriú ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 23(1) i mbliain an teagmhais spreagtha dá dtagraítear in Airteagal 23(9);
- (iii) cláir nó tosaíochtaí a ndearnadh a gcuid acmhainní a mhéadú laistigh de dhá bhliain roimh an teagmhas spreagtha dá dtagraítear in Airteagal 23(9) mar thoradh ar chinneadh a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 23(5);

(iv) cláir nó tosaíochtaí a bhfuil ríthábhacht leo chun aghaidh a thabhairt ar dhálaí neamhfhabhracha eacnamaíocha nó sóisialta. Cuimseoidh cláir den sórt sin nó tosaíochtaí den sórt sin cláir nó tosaíochtaí a thacaíonn le hinfheistíochtaí a bhfuil tábhacht ar leith leo don Aontas agus a bhaineann leis an Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg. Féadfar a mheas go bhfuil an ríthábhacht sin le cláir nó tosaíochtaí nuair a thacóidh siad le hinfheistíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme moltaí a dhírítear chuig an mBallstát lena mbaineann faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh agus atá dírithe ar athchóirithe struchtúrtha, nó a bhaineann le tosaíochtaí a thacaíonn le bochtaineacht a laghdú nó le hionstraimí airgeadais maidir le hiomaíochas FBManna.

3. LEIBHÉAL DEIRIDH FHIONRAÍ NA GCEANGALTAS A CHINNEADH LE HAGHAIDH NA GCLÁR A THIG FAOI RAON FEIDHME NA FIONRAÍ

Maidir le heisiamh tosaíochta laistigh de chlár, déanfar é trí cheangaltas an chláir a laghdú ar bhonn pro rata i leith an leithdháilte ar an tosaíocht.

Is é a bheidh sa leibhéal fionraí atá le cur i bhfeidhm i leith cheangaltas na gclár ná an leibhéal sin atá riachtanach chun leibhéal comhiomlán na fionraí arna chinneadh faoi phointe 1 a bhaint amach.

4. RAON FEIDHME AGUS LEIBHÉAL FIONRAÍ NA N-ÍOCAÍOCHTAÍ A CHINNEADH

Déanfar na cláir agus na tosaíochtaí dá dtagraítear faoi phointe 2(i) go (iv) a eisiamh freisin ó raon feidhme fionraí na n-íocaíochtaí.

Ní bheidh an leibhéal fionraí atá le cur i bhfeidhm níos mó ná 50 % d'íocaíochtaí na gclár agus na dtosaíochtaí.

IARSCRÍBHINN IV

IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS A CHUR CHUN FEIDHME: COMHAONTUITHE CISTIÚCHÁIN

1. Nuair a chuirtear ionstraim airgeadais chun feidhme faoi phointe (a) agus phointe (b) d'Airteagal 38(4), áireoidh an comhaontú cistiúcháin na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le ranníocaíochtaí a dhéanamh ón gclár don ionstraim airgeadais agus áireoidh ar a laghad na gnéithe seo a leanas:

- (a) straitéis infheistíochta nó an beart lena n-áirítear socruithe cur chun feidhme, táirgí airgeadais a bheidh le tairiscint, na faighteoírí deiridh mar spriocghrúpa agus an comhcheangal dóchúil le tacaíocht deontais (más iomchu);
- (b) plean gnó nó doiciméid chomhchosúla don ionstraim airgeadais atá le cur chun feidhme lena n-áirítear an éifeacht luamhánaithe dhóchúil dá dtagraítear in Airteagal 37(2);
- (c) torthaí na gcuspóirí a bhfuiltear ag súil go mbainfidh an ionstraim airgeadais amach chun ranníoc le sainchuspóirí agus le torthaí na tosaíochta ábhartha;
- (d) forálacha maidir le faireachán ar chur chun feidhme na n-infheistíochtaí agus shreabhadh na gcomhaontuithe lena n-áirítear tuairisciú ag an ionstraim airgeadais don chiste de chistí agus/nó don údarás bainistíochta d'fhonn comhlíonadh Airteagal 46 a dheimhniú;
- (e) ceanglais iniúchóireachta amhail ceanglais íosta don doiciméadú a bheidh le coimeád ar leibhéal na hionstraime airgeadais (agus ar leibhéal an chiste de chistí nuair is iomchu), agus ceanglais maidir le taifid ar leith a choimeád ar na cineálacha éagsúla tacaíochta i gcomhréir le hAirteagal 37(7) agus (8) (nuair is infheidhme), lena n-áirítear forálacha agus ceanglais maidir le rochtain ar dhoiciméid ag údarás iniúchóireachta de chuid na mBallstát, ag iniúchóirí an Choimisiúin agus ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa chun deimhniú go mbeidh rian soiléir iniúchóireachta ann, i gcomhréir le hAirteagal 40;
- (f) ceanglais agus nósanna imeachta chun an ranníocaíocht chéimneach dá bhforáiltear leis an gclár a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagal 41, agus do réamhfhaisnéis shreabhadh na gcomhaontuithe, lena n-áirítear ceanglais um chuntasaíocht mhúiníneach/leithleach mar a leagtar amach in Airteagal 38(6) iad;
- (g) ceanglais agus nósanna imeachta maidir le hús agus fáltais eile a bhainistiú mar a thagraítear dóibh in Airteagal 43, lena n-áirítear oibríochtaí/infheistíochtaí inghlactha don státchiste agus freagrachtaí agus cúraimí na bpáirtithe a bheidh i gceist;
- (h) forálacha maidir le ríomh agus íoc na gcostas bainistithe a thabhaítear nó ríomh agus íoc tháillí bainistithe na hionstraime airgeadais;
- (i) forálacha maidir le hath-úsáid na n-acmhainní atá inchurtha i leith na tacaíochta ó Chistí SIE go dtí deireadh na tréimhse incháilitheachta i gcomhréir le hAirteagal 44;
- (j) forálacha maidir le húsáid na n-acmhainní atá inchurtha i leith na tacaíochta ó Chistí SIE tar éis dheireadh na tréimhse incháilitheachta i gcomhréir le hAirteagal 45 agus beartas scoir don ranníocaíocht ó Chistí SIE as an ionstraim airgeadais;
- (k) coinníollacha maidir le haistarraingt iomlán nó pháirteach a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le ranníocaíochtaí cláir ó chlár d'ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear an ciste de chistí i gcás inarb infheidhme;
- (l) forálacha chun a áirithiú go ndéanfaidh na comhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme bainistiú ar na hionstraimí airgeadais ar bhonn neamhspleách agus i gcomhréir leis na caighdeáin ghairmiúla ábhartha, go ngníomhóidh siad i gcomhréir le leas iomlán na bpáirtithe a dhéanfaidh ranníocaíochtaí don ionstraim airgeadais;
- (m) forálacha maidir leis an ionstraim airgeadais a fhoirceannadh.

Sa bhreis air sin, i gcás go n-eagraítear ionstraimí airgeadais trí chiste de chistí, ní mór don chomhaontú cistiúcháin idir an t-údarás bainistíochta agus an comhlacht a chuireann an ciste de chistí chun feidhme foráil a dhéanamh maidir le comhlachtaí a chuireann na hionstraimí airgeadais chun feidhme a bhreithmheas agus a roghnú, lena n-áirítear glaonna ar thograí nó nósanna imeachta um sholáthar poiblí.

2. Áireoidh doiciméid straitéise dá dtagraítear faoi Airteagal 38(8) maidir le hionstraimí airgeadais a chuirtear chun feidhme faoi phointe (c) d'Airteagal 38(4) na gnéithe seo a leanas ar a laghad:

- (a) an straitéis infheistíochta nó an beart maidir leis an ionstraim airgeadais, na téarmaí agus coinníollacha ginearálta maidir le táirgí fiachais réamhthuartha, spriocfhaighteoírí agus gníomhaíochtaí a bheidh le tacú;

-
- (b) plean gnó nó doiciméid choibhéiseacha don ionstraim airgeadais atá le cur chun feidhme lena n-áirítear an éifeacht luamhánaithedhóchúil dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 37(2);
 - (c) úsáid agus athúsáid acmhainní atá inchurtha do thacaíocht Chistí SIE i gcomhréir le hAirteagal 43, le hAirteagal 44 agus le hAirteagal 45;
 - (d) faireachán agus tuairiscíú ar chur chun feidhme na hionstraime airgeadais d'fhonn comhlíonadh Airteagal 46 a áirithiú;
-

IARSCRÍBHINN V

SAINMHÍNIÚ AR RÁTAÍ COMHRÉIDH DO THIONSCADAIL A GHINEANN GLANIONCAM

	Earnáil	Rátaí comhréidh
1	BÓTHAR	30 %
2	IARNRÓD	20 %
3	IOMPAR UIRBEACH	20 %
4	UISCE	25 %
5	DRAMHAÍL SHOLADACH	20 %

MIONDEALÚ BLIANTÚIL AR LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR OIBLEAGÁIDÍ IDIR 2014 AGUS 2020

Próifíl bhliantúil choigeartaithe (lena n-áirítear breisiú TFAO)

	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	Iomlán
EUR, praghsanna 2011	44 677 333 745	45 403 321 660	46 044 910 729	46 544 721 007	47 037 288 589	47 513 211 563	47 924 907 446	325 145 694 739

IARSCRÍBHINN VII

MODHEOLAÍOCHT LEITHDHÁILTE

Modh leithdháilte do na réigiúin bheagfhorbartha atá incháilithe faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post, dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 90(2)

1. Is é a bheidh i leithdháileadh gach Ballstáit suim na leithdháilte do réigiúin incháilithe aonair leibhéal NUTS-2 atá aige, arna ríomh i gcomhréir leis na céimeanna seo a leanas:
 - (a) an dearbhmhéid (in EUR) a chinneadh trí líon na ndaoine sa réigiún lena mbaineann a iolrú faoin difríocht atá ann idir OTI per capita an réigiúin sin, arna thomhas de réir PCC, agus meán-OTI per capita (in PCC) AE-27;
 - (b) cuirfear céatadán i bhfeidhm ar an dearbhmhéid thuasluaite chun imchlúdach airgeadais an réigiúin sin a chinneadh; céimneofar an céatadán seo chun rathúnas coibhneasta an Bhallstáit ina bhfuil an réigiún incháilithe a léiriú, arna thomhas de réir PCC, i gcomparáid le meán AE-27, i.e.:
 - (i) le haghaidh réigiúin i mBallstáit a bhfuil a leibhéal OIN per capita faoi bhun 82 % de mheán AE-27: 3,15 %;
 - (ii) le haghaidh réigiúin i mBallstáit a bhfuil a leibhéal OIN per capita idir 82 % agus 99 % de mheán AE-27: 2,70 %;
 - (iii) le haghaidh réigiúin i mBallstáit a bhfuil a leibhéal OIN per capita os cionn 99 % de mheán AE-27: 1,65 %;
 - (c) déanfar a chur leis an méid a fhaightear i gcomhréir le pointe (b), más infheidhme, méid a eascraíonn as leithdháileadh préimhe de EUR 1 300 in aghaidh gach duine atá dífhostaithe in aghaidh na bliana, á chur i bhfeidhm ar an líon daoine atá dífhostaithe sa réigiún sin atá níos mó ná an líon a bheadh dífhostaithe dá mbeadh meánráta dífhostaíochta réigiúin bheagfhorbartha uile an AE á chur i bhfeidhm.

Modh leithdháilte do na réigiúin trasdula atá incháilithe faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post, dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 90(2)

2. Is é a bheidh i leithdháileadh gach Ballstáit suim na leithdháilte do réigiúin incháilithe aonair leibhéal NUTS-2 atá aige, arna ríomh i gcomhréir leis na céimeanna seo a leanas:
 - (a) an déine cúnaimh teoriciúil uasta agus íosta a chinneadh le haghaidh gach réigiúin trasdula incháilithe. Cinntear leibhéal íosta na tacaíochta de réir mheándéine cúnaimh per capita in aghaidh an Bhallstáit, roimh chur i bhfeidhm na socruithe slándála réigiúnacha, a leithdháiltear ar na réigiúin níos forbartha sa Bhallstáit sin. Mura bhfuil aon réigiún níos forbartha sa Bhallstáit, beidh an leibhéal íosta tacaíochta ag comhfhreagairt don mheándéine cúnaimh tosaigh per capita i gcás réigiúin níos forbartha, i.e. EUR 19,80 in aghaidh an duine in aghaidh na bliana. Tagairt do réigiún teoriciúil ag a bhfuil OTI in aghaidh an duine de 75 % de mheán AE-27 atá i leibhéal uasta na tacaíochta agus ríomhtar é trí leas a bhaint as an modh atá sainithe i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 1. Den mhéid a fhaightear tríd an modh seo, cuirtear 40 % san áireamh;
 - (b) ríomh na leithdháilte réigiúnacha tosaigh, agus OTI réigiúnach per capita (in PPS) á chur san áireamh trí idirshuíomh líneach OTI par capita coibhneasta an réigiúin i gcomparáid le AE-27;
 - (c) déanfar a chur leis an méid a fhaightear i gcomhréir le pointe (b), más infheidhme, méid a eascraíonn as leithdháileadh préimhe de EUR 1 100 in aghaidh gach duine atá dífhostaithe in aghaidh na bliana, á chur i bhfeidhm ar an líon daoine atá dífhostaithe sa réigiún sin atá níos mó ná an líon a bheadh dífhostaithe dá mbeadh meánráta dífhostaíochta na réigiún beagfhorbartha uile á chur i bhfeidhm.

Modh leithdháilte do na réigiúin níos forbartha atá incháilithe faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post, dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 90(2)

3. Gheofar an t-imchlúdach airgeadais teoriciúil tosaigh iomlán trí dhéine cúnaimh in aghaidh an duine agus in aghaidh na bliana de EUR 19,80 a iolrú faoin daonra incháilithe.
4. Is éard a bheidh i sciar gach Ballstáit lena mbaineann suim sciaranna a réigiúin incháilithe leibhéal NUTS-2, a chinntear ar bhonn na gcrítear seo a leanas, agus iad ualaithe mar a léirítear:
 - (a) daonra réigiúnach iomlán (ualú 25 %),

- (b) líon na ndaoine atá difhostaithe i réigiúin leibhéal NUTS 2 a bhfuil ráta difhostaíochta iontu atá níos airde ná an meán do na réigiúin níos forbartha uile (ualú 20 %),
- (c) fostaíocht le cur isteach chun sprioc straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a bhaint amach don ráta réigiúnach fostaíochta (20 go 64 bliana d'aois) de 75 % (ualú 20 %),
- (d) an líon daoine idir 30 agus 34 bliana d'aois a bhfuil oideachas treasach bainte amach acu le cur leis chun sprioc straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach de 40 % a bhaint amach (ualú 12,5 %),
- (e) an líon luathfhágáilithe ó oideachas agus oiliúint (18 go 24 bliana d'aois) le baint as chun sprioc straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach de 10 % a bhaint amach (ualú 12,5 %),
- (f) an difríocht idir OTI breathnaithe an réigiúin (arna thomhas in PCC) agus OTI réigiúnach teoriciúil an réigiúin dá mbeadh OTI céanna in aghaidh an duine ag an réigiún agus atá ag réigiún leibhéal NUTS 2 is mó rathúnas (ualú 7,5 %),
- (g) daonra réigiúin leibhéal NUTS 3 ag a bhfuil dlús daonra níos lú ná 12,5 áititheoir/km² (ualú 2,5 %);

Modh leithdháilte do na Ballstáit atá incháilithe don Chiste Comhtháthaithe faoi Airteagal 90(3)

5. Gheofar an t-implúdach airgeadais teoriciúil tosaigh iomlán tríd an meándéine cúnaimh in aghaidh an duine agus in aghaidh na bliana de EUR 48 a iolrú faoin daonra incháilithe. Comhfhreagraíonn leithdháileadh a priori gach Ballstáit den implúdach airgeadais teoriciúil seo do chéatadán atá bunaithe ar an daonra atá ann, ar an achar dromchla agus ar an rathúnas náisiúnta, agus a gheofar trí na céimeanna seo a leanas a chur i bhfeidhm:
 - (a) an meán uimhríochtúil de sciaranna daonra agus achar dromchla an Bhallstáit sin a ríomh i gcomparáid le daonra iomlán agus achar dromchla iomlán na mBallstát incháilithe. Más rud é, áfach, gur mó sciar daonra iomláin Ballstáit ná a sciar den achar dromchla iomlán faoi fhachtóir a cúig nó níos mó ná sin, lena léirítear dlús fíor-ard daonra, ní úsáidfeadh ach an sciar den daonra iomlán don chéim seo;
 - (b) coigeartú na bhfigiúirí céatadán a fhaightear ar an tslí sin trí chomhéifeacht ina léirítear aon trian den chéatadán ar mó nó ar lú OIN per capita an Bhallstáit (arna thomhas i bpaireachtaí cumhachta ceannaigh) don tréimhse 2008-2010 ná an meán-OIN per capita atá ag gach Ballstát incháilithe (meán curtha in iúl mar 100 %).
6. Chun riachtanais shuntasacha na mBallstát sin, a d'aontaigh don Aontas an 1 Bealtaine 2004 nó ina dhiaidh sin, a léiriú ó thaobh iompar agus comhshaoil de, socrófar a sciar den Chiste Comhtháthaithe ag aon trian ar a laghad dá leithdháileadh airgeadais deiridh iomlán tar éis na caidhpeála amhail a shainmhíntear i mír 10 go mír 13 a fhaightear ar an meán le linn na tréimhse.
7. An leithdháileadh ón gCiste Comhtháthaithe do na Ballstáit, arna shainmhíniú sa dara fomhír d'Airteagal 90(3), déanfar é ar bhonn céimlaghdaitheach in imeacht tréimhse seacht mbliana. Is EUR 48 per capita in 2014 a bheidh sa tacaíocht idirthréimhseach sin, arna chur i bhfeidhm ar dhaoine iomlán an Bhallstáit. Déanfar na méideanna sna blianta ina dhiaidh sin a shloinneadh mar chéatadán den mhéid a shainítear do 2014, agus is é a bheidh sna céatadán ná 71 % in 2015, 42 % in 2016, 21 % in 2017, 17 % in 2018, 13 % in 2019 agus 8 % in 2020.

Modh leithdháilte do sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán CCE

8. An leithdháileadh acmhainní ag Ballstát, lena gcuimsítear comhar trasteorann agus trasnáisiúnta, agus lena n-áirítear an rannchuidiú ó CFRE leis an Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht agus leis an Ionstraim um Chúnaimh Réamhaontachais, déanfar é a chinneadh mar shuíme ualaithe de sciar dhaoine na réigiún teorann agus de sciar dhaoine iomlán gach Ballstáit. Cinntear an t-ualú de réir sciaranna faoi seach na gciseal trasteorann agus trasnáisiúnta. Is 77,9 % agus 22,1 % atá sna sciaranna de na comhpháirteanna comhair trasteorann agus trasnáisiúnta.

Modh leithdháilte an chistithe bhreise do na réigiúin dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 92(1)

9. Déanfar leithdháileadh speisialta breise a chomhfhreagraíonn do dhéine cúnaimh de EUR 30 in aghaidh an áititheora in aghaidh na bliana a leithdháileadh ar réigiúin leibhéal NUTS-2 is forimeallaí agus ar réigiúin leibhéal NUTS-2 ó thuaidh a bhfuil dlús fíoriseal daonra acu. Déanfar an leithdháileadh sin a dháileadh in aghaidh an réigiúin agus an Bhallstáit ar bhealach a bheidh cionmhar le daonra iomlán na réigiún sin.

Leibhéal uasta aistriithe ó chistí a thacaíonn le comhtháthú

10. Chun rannchuidiú le díriú leormhaith an chistithe chomhtháite ar na réigiúin agus ar na Ballstáit is lú forbairt agus le laghdú na n-éagothromaíochtaí i meándéiní cabhrach per capita, is 2,35 % de OTI an Bhallstáit a bheidh sa leibhéal uasta aistriithe (caidhpeáil) ó na Cistí chuig gach ceann aonair de na Ballstáit. Cuirfear an chaidhpeáil i bhfeidhm ar bhonn bliantúil, faoi réir na gcoigeartuithe is gá chun fónamh do thús-ualú TFAO, agus déanfaidh sé - más infheidhme - laghdú comhréireach ar na haistriithe uile (ach amháin i gcás na réigiúin níos forbartha agus sprioc an chomhair chríocheaigh Eorpaigh) chuig na Ballstáit lena mbaineann chun an leibhéal uasta aistriithe a fháil. I gcás Ballstát a tháinig isteach san Aontas roimh 2013 agus ar lú an meánfhás ar a bhfíor-OTI don tréimhse 2008-2010 ná -1 %, is 2,59 % a bheidh i leibhéal uasta an aistriithe.
11. Áirítear ar na huasteorainneacha a luaitear i mír 10 rannchuidithe ó CFRE chuig maoiniú chiseal trasteorann na hIonstraime Eorpaí um Chomharsanacht agus na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais. Ní áirítear ar na huasteorainneacha sin leithdháileadh sonrath de EUR 3 000 000 000 le haghaidh TFAO.
12. Beidh na ríofaí ar OTI a dhéanfaidh an Coimisiún bunaithe ar an staidreamh a bhí ar fáil i mBealtaine 2012. Déanfar rátaí fáis náisiúnta aonair OTI le haghaidh 2014 go 2020, de réir mar a rinne an Coimisiún iad a thuar i mBealtaine 2012, a chur i bhfeidhm ar bhonn leithleach i gcás gach Ballstáit.
13. Ní féidir go mbeidh mar thoradh ar na rialacha a dtugtar tuairisc orthu i mír 10 go mbeidh leithdháiltí in aghaidh an Bhallstáit níos airde ná 110 % dá leibhéal i dtéarmaí iarbhire do chlárthréimhse 2007-2013.

Forálacha breise

14. I gcás na réigiúin go léir a raibh an OTI per capita (in PPS) a bhí acu, agus a úsáideadh mar chritéar incháilitheachta do chlárthréimhse 2007-2013, níos lú ná 75 % de mheán AE-25, ach a bhfuil OTI per capita atá acu os cionn 75 % de mheán AE-27, beidh an leibhéal fosta tacaíochta in 2014-2020 faoin sprioc na hInfhleistiúchta le haghaidh fáis agus post ag comhfhreagairt gach bliain do 60 % den mheán-leithdháileadh bliantúil tascach a bhí acu roimhe sin faoin leithdháileadh Cóineasaithe, arna ríomh ag an gCoimisiún de réir chreat airgeadais ilbhliantúil 2007-2013.
15. Ní bhfaighidh aon réigiún trasdula níos lú ná mar a bhfaigheadh sé dá mba réigiún níos forbartha é. Chun leibhéal an leithdháilte fosta sin a chinneadh, cuirfear an modh leithdháilte maidir le réigiúin níos forbartha i bhfeidhm i gcás gach réigiún a bhfuil OTI per capita acu arb ionann é agus ar a laghad 75 % de mheán AE-27.
16. Beidh an leithdháileadh iomlán íosta ó na Cistí do Bhallstát ag comhfhreagairt do 55 % den leithdháileadh iomlán aonair do 2007-2013. Déanfar na coigeartuithe is gá chun an ceanglas seo a chomhlíonadh a chur i bhfeidhm go comhréireach maidir le leithdháiltí ó na Cistí, agus gan na leithdháiltí faoi sprioc an chomhair chríocheaigh Eorpaigh á gcur san áireamh.
17. Chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí na géarchéime airgeadais ar Bhallstáit laistigh den limistéar euro a mhéid a bhaineann lena leibhéal rathúnais, agus chun borradh a chur faoin bhfás agus faoi chruthú post sna Ballstáit sin, soláthróidh na Cistí Struchtúracha na leithdháiltí breise seo a leanas:
 - (a) EUR 1 375 000 000 do na réigiúin níos forbartha sa Ghréig;
 - (b) EUR 1 000 000 000 don Phortaingéil, arna leithroinnt mar a leanas: EUR 450 000 000 do na réigiúin níos forbartha, ar do Mhaidéara EU 150 000 000 de, EUR 75 000 000 do na réigiúin trasdula agus EUR 475 000 000 do na réigiúin bheagforbartha;
 - (c) EUR 100 000 000 do réigiún na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair in Éirinn;
 - (d) EUR 1 824 000 000 don Spáinn, ar do Extremadura EUR 500 000 000 de, EUR 1 051 000 000 le haghaidh na réigiún trasdula agus EUR 273 000 000 do na réigiúin níos forbartha;
 - (e) EUR 1 500 000 000 do réigiúin bheagforbartha na hIodáile, ar do limistéir neamhuirbeacha EUR 500 000 000 de.
18. Chun aitheantas a thabhairt do na dúshláin a bhaineann le cás na mBallstát oileánach agus d'iarгүйлтacht codanna áirithe den Aontas Eorpach, gheobhaidh Málta agus an Chipir, tar éis an modh ríomha dá dtagraítear i mír 16 a chur i bhfeidhm, imchlúdach breise de EUR 200 000 000 agus EUR 150 000 000 faoi seach faoi sprioc na hInfhleistiúchta le haghaidh fáis agus post agus déanfar é a dháileadh mar a leanas: aon trian i gcás an Chiste Chomhtháthaithe agus dhá thrian i gcás na gCistí Struchtúracha.

Déanfar imchlúdach iomlán de EUR 50 000 000 a leithdháileadh ar réigiúin Ceuta agus Melilla na Spáinne faoi na Cistí Struchtúracha.

Déanfar imchlúdach iomlán de EUR 200 000 000 a leithdháileadh ar an réigiún is forimeallaí Mayotte faoi na Cistí Struchtúracha.

19. Chun coigeartú réigiún áirithe a éascú maidir le hathruithe ar a stádas incháilitheachta nó le héifeachtaí fadmharthanacha na bhforbairtí is déanaí ina ngeilleagar déantar na leithdháiltí a leanas:
 - (a) le haghaidh na Beilge, EUR 133 000 000, ar do Limburg EUR 66 500 000 de, agus EUR 66 500 000 do na réigiúin trasdula i Réigiún na Vallúine;
 - (b) le haghaidh na Gearmáine, EUR 710 000 000, ar do na hiar-Réigiúin Chóineasaithe atá i gcatagóir na réigiún trasdula EUR 510 000 000 de agus EUR 200 000 000 do réigiún Leipzig;
 - (c) d'ainneoin mhír 10, déanfar, faoi na Cistí Struchtúracha, imchlúdach breise de EUR 1 560 000 000 a leithdháileadh ar na réigiúin bheagfhorbartha san Ungáir, imchlúdach breise de EUR 900 000 000 a leithdháileadh ar na réigiúin bheagfhorbartha i bPoblacht na Seice agus imchlúdach breise de EUR 75 000 000 a leithdháileadh ar na réigiúin bheagfhorbartha sa tSlóivéin.
20. Déanfar suim iomlán de EUR 150 000 000 a leithdháileadh do Chlár PEACE, ar don Ríocht Aontaithe a bheidh EUR 106 500 000 de agus ar d'Éirinn a bheidh EUR 43 500 000 de. Déanfar an clár sin a chur chun feidhme mar chlár comhair trasteorann a mbeidh Tuaisceart Éireann agus Éire rannpháirteach ann.

Coigeartuithe breise i gcomhréir le hAirteagal 92(2)

21. Sa bhreis ar na méideanna a leagtar amach in Airteagal 91 agus in Airteagal 92, tairbheoidh an Chipir de leithdháileadh breise de EUR 94 200 000 in 2014 agus de EUR 92 400 000 i 2015 a bheidh le cur sa bhreis leis an leithdháileadh Cistí Struchtúracha.

—

IARSCRÍBHINN VIII

MODHEOLAÍOCHT MAIDIR LEIS AN LEITHDHÁILEADH SONRACH DO TFAO DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 91

- I. Cinnfear an miondealú den leithdháileadh sonrach do TFAO i gcomhréir leis na céimeanna seo a leanas:
1. Sainaitheofar líon na ndaoine óga dífhostaithe idir 15 bliana d'aois agus 24 bliana d'aois sna réigiúin incháilithe ar leibhéal NUTS 2 mar a shainmhínítear in Airteagal 16 de Rialachán CSE, eadhon réigiúin ar leibhéal NUTS 2 a bhfuil rátaí dífhostaíochta i measc an aosa óig iontu atá os cionn 25 % in 2012, agus, i gcás na mBallstát inar tháinig méadú os cionn 30 % in 2012 ar an ráta dífhostaíochta i measc an aosa óig, réigiúin ina raibh rátaí dífhostaíochta i measc an aosa óig a bhí níos mó ná 20 % in 2012 (na “réigiúin incháilithe”).
 2. Ríomhfar an leithdháileadh a fhreagraíonn do gach réigiún incháilithe ar bhonn an chóimheasa idir líon na ndaoine óga atá dífhostaithe sa réigiún incháilithe agus líon iomlán na ndaoine óga atá dífhostaithe dá dtagraítear i bpointe 1 i ngach réigiún incháilithe.
 3. Is é a bheidh i leithdháileadh gach Ballstáit suim na leithdháiltí do na réigiúin incháilithe aonair atá aige
- II. Ní thabharfar san áireamh an leithdháileadh sonrach do TFAO chun críche na rialacha maidir le teorannú a leagtar amach in Iarscríbhinn VII maidir le leithdháileadh acmhainní domhanda.
- III. D'fhonn an leithdháileadh sonrach ó TFAO chuig Mayotte a dhearbhu, dearbhófar an ráta dífhostaíochta i measc an aosa óig agus líon na ndaoine óga atá dífhostaithe ar bhonn na sonraí is déanaí a bheidh ar fáil ar an leibhéal náisiúnta fad is nach mbeidh sonraí Eurostat ar leibhéal NUTS 2 ar fáil.
- IV. Féadfar na hacmhainní le haghaidh TFAO a ardú do na blianta 2016 go 2020 i gcreat an nós imeachta bhuiséadaigh i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (Euratom, AE) Uimh. 1311/2013. Leanfaidh miondealú na n-acmhainní breise de réir an Bhallstáit na céimeanna céanna a cuireadh i bhfeidhm don leithdháileadh tosaigh ach déanfaidh siad tagairt do na sonraí bliantúla is déanaí a bheidh ar fáil.
-

IARSCRÍBHINN IX

MODHEOLAÍOCHT CHUN ÍOS-SCIAR CSE A CHINNEADH

Cinnfear an sciar céatadán breise a bheidh le cur le sciar acmhainní na gCistí Struchtúracha dá dtagraítear in Airteagal 92(4) a leithdháiltear i mBallstát do CSE a chomhfhreagraíonn do sciar an Bhallstáit do chlárthréimhse 2007-2013 mar a leanas, bunaithe ar rátaí fostaíochta (do dhaoine idir 20 bliain d'aois agus 64 bliana d'aois) na bliana tagartha 2012:

- i gcás an ráta fostaíochta a bheith 65 % nó níos lú, déanfar an sciar a mhéadú 1,7 % pointe céadatáin;
- i gcás an ráta fostaíochta a bheith os cionn 65 % ach gan a bheith nó níos airde ná 70 % déanfar an sciar a mhéadú 1,2 % pointe céadatáin;
- i gcás an ráta fostaíochta a bheith os cionn 70 % ach gan a bheith nó níos airde ná 75 % déanfar an sciar a mhéadú 0,7 % pointe céadatáin;
- i gcás an ráta fostaíochta a bheith os cionn 75 %, ní éileofar méadú.

Ní rachaidh sciar céatadán iomlán Ballstáit tar éis an bhreismhéid thar 52 % de acmhainní Chistí Struchtúracha dá dtagraítear in Airteagal 92(4).

Maidir leis an gCróit, beidh a sciar acmhainní Cistí Struchtúracha, gan sprioc an Chomhair Críche Eorpaigh san áireamh, a leithdháiltear do CSE do chlárthréimhse 2007-2013, ionann leis an ngnáthsciar réigiúin chóineasaithe na mBallstát sin a d'aontaigh leis an Aontas ar an 1 Eanáir 2004 nó ina dhiaidh sin.

IARSCRÍBHINN X

BREISÍOCHT

1. CAITEACHAS STRUCHTÚRACH POIBLÍ NÓ COIBHÉISEACH

Sna Ballstáit sin ina bhfuil ar a laghad 65 % den daonra sna réigiúin laghforbartha, is é an figiúr d'ollfhoirmiú caipitil sheasta a thuairiscítear sna Cláir Chobhsaíochta agus sna Cláir um Chóineasú a ullmhaíonn na Ballstáit i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 d'fhonn a straitéis bhuiséadach mheántéarmach a thíolacadh an figiúr a úsáidfead chun caiteachas struchtúrach poiblí nó coibhéiseach a chinneadh. Is é an figiúr atá le húsáid ná an figiúr sin a thuairisceofar i gcomhthéacs chomhordú agus fiachas an rialtais ghinearálta agus a bhaineann le hionchais bhuiséadacha an rialtais ghinearálta agus a thabharfar ar aird mar chéatadán de OTI.

Sna Ballstáit sin ina gcuimsíonn réigiúin laghforbartha níos mó ná 15 % agus níos lú ná 65 % den daonra, úsáidfead an figiúr iomlán d'ollfhoirmiú caipitil sheasta sna réigiúin laghforbartha chun caiteachas struchtúrach poiblí nó coibhéiseach a chinneadh. Déanfar é a thuairiscíú san fhormaid chéanna mar a leagtar síos sa chéad fhomhír.

2. FÍORÚ

Tá fíoruithe breisíochta i gcomhréir le hAirteagal 95(5) faoi réir na rialacha seo a leanas:

2.1 Fíorú ex ante

- (a) Nuair a chuireann Ballstát Comhaontú Comhpháirtíochta isteach, soláthróidh sé faisnéis maidir le próifíl bheartaithe an chaiteachais i bhformáid Thábla 1.

Tábla 1

Caiteachas an Rialtais Ghinearálta mar sciar de OTI	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020
P51	X	X	X	X	X	X	X

- (b) Sna Ballstáit sin ina gcuimsíonn réigiúin laghforbartha níos mó ná 15 % agus níos lú ná 65 % den daonra, cuirfidh na Ballstáit sin faisnéis ar fáil freisin maidir le próifíl phleanáilte an chaiteachais sna réigiúin laghforbartha sin i bhformáid Thábla 2.

Tábla 2

	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020
Ollfhoirmiú Caipitil Sheasta an Rialtais Ghinearálta sna réigiúin laghforbartha mar chuid de OTI	X	X	X	X	X	X	X

- (c) Déanfaidh na Ballstáit faisnéis maidir leis na príomhtháscairí maicreacnamaíochta agus réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíochta is bun leis an leibhéal caiteachais struchtúraigh poiblí nó choibhéisigh a sholáthar don Choimisiún.

- (d) Sna Ballstáit sin ina gcuimsíonn réigiúin laghforbartha níos mó ná 15 % agus níos lú ná 65 % den daonra, déanfaidh na Ballstáit sin freisin faisnéis maidir leis an modh a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh ar ollfhoirmiú caipitil sheasta sna réigiúin sin a sholáthar don Choimisiún. Chun na críche sin, bainfidh na Ballstáit úsáid as sonraí infheistíochta poiblí ar an leibhéal réigiúnach i gcás ina mbeidh siad ar fáil. Sa chás nach mbeidh na sonraí sin ar fáil, nó i gcásanna cuí-réasúnaithe eile, lena n-áirítear i gcás ina ndearna Ballstát athrú suntasach ar an miondealú réigiúnach mar a shainítear i Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 le haghaidh na tréimhse 2014-2020, féadfar ollfhoirmiú caipitil sheasta a mheas trí tháscairí caiteachais poiblí réigiúnacha nó an daonra réigiúnach a chur i bhfeidhm i leith sonraí infheistíochta poiblí ar an leibhéal náisiúnta.

- (e) A luaithe a bheidh comhaontú ann idir an Coimisiún agus an Ballstát, áireofar Tábla 1 agus, i gcás inarb infheidhme, Tábla 2 i gComhaontú Comhpháirtíochta an Bhallstáit lena mbaineann mar leibhéal tagartha an chaiteachais struchtúraigh poiblí nó choibhéisigh a bheidh le cothabháil sna blianta 2014-2020.

2.2 Fíorú meántearma

- (a) Tráth an fhíoraithe mheántearma, measfar go mbeidh leibhéal an chaiteachais struchtúraigh phoiblí nó choibhéisigh á chothabháil ag Ballstát má tá an meánchaiteachas bliantúil sna blianta 2014-2017 comhionann le, nó níos mó ná, leibhéal tagartha an chaiteachais arna shocrú sa Chomhaontú Comhpháirtíochta.
- (b) Tar éis an fhíoraithe mheántearma, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhairle le Ballstát, leibhéal tagartha an chaiteachais struchtúraigh phoiblí nó choibhéisigh sa Chomhaontú Comhpháirtíochta a athbhreithniú más rud é go bhfuil athrú suntasach tagtha ar staid eacnamaíoch an Bhallstáit ón staid a measadh nuair a glacadh an Chomhaontú Comhpháirtíochta.

2.3 Fíorú ex post

Tráth an fhíoraithe ex post, measfar go mbeidh leibhéal an chaiteachais struchtúraigh phoiblí nó choibhéisigh á chothabháil ag Ballstát má tá an meánchaiteachas bliantúil sna blianta 2014-2020 comhionann le, nó níos mó ná, leibhéal tagartha an chaiteachais arna shocrú sa Chomhaontú Comhpháirtíochta.

3. RÁTAÍ CEARTAITHE AIRGEADAIS TAR ÉIS FÍORÚ EX POST

I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún gur cheart ceartú airgeadais a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 95(6), gheofar ráta an cheartaithe airgeadais trí bhíthin 3 % a dhealú ón difríocht idir an leibhéal tagartha sa Chomhaontú Comhpháirtíochta agus an leibhéal a baineadh amach, arna shloinneadh mar chéatadán den leibhéal tagartha, agus an toradh a roinnt ar 10. Cinnfear an ceartú airgeadais, trí bhíthin ráta sin an cheartaithe airgeadais a chur i bhfeidhm i leith rannchuidiú na gCistí leis an mBallstát lena mbaineann maidir le réigiúin lagfhorbartha agus réigiúin trasdula le haghaidh na clárthréimhse ina hiomláine.

I gcás ina mbeidh an difríocht idir an leibhéal tagartha sa Chomhaontú Comhpháirtíochta agus an leibhéal a bhainfear amach, arna shloinneadh mar chéatadán den leibhéal tagartha sa Chomhaontú Comhpháirtíochta, comhionann le 3 % nó níos lú, ní dhéanfar aon cheartú airgeadais.

Ní rachaidh an ceartú airgeadais thar 5 % de leithdháileadh na gCistí ar an mBallstát lena mbaineann maidir le réigiúin lagfhorbartha le haghaidh na clárthréimhse ina hiomláine.

IARSCRÍBHINN XI

Coinníollachtaí ex ante

CUID 1: Coinníollachtaí téamacha ex ante

Cuspóirí téamacha	Tosaíochtaí infheistíochta	Coinníollachtaí ex ante	Critéir atá le comhlíonadh
<p>1. Taighde, forbairt teicneolaíochta agus nuálaíocht a neartú</p> <p>(Sprioc Taighde agus Forbartha)</p> <p>(dá dtagraítear i bpointe (1) den chéad mhír d'Airteagal 9)</p>	<p>CFRE:</p> <p>— Tosaíochtaí infheistíochta go léir faoi chuspóir téamach uimh. 1</p>	<p>1.1. Taighde agus nuálaíocht: Straitéis náisiúnta nó réigiúnach um speisialtóireacht chliste a bheith ann i gcomhréir leis an gClár um Athchóiriú Náisiúnta, chun caiteachas príobháideach ar thaighde agus nuálaíocht a ghíaráil, a chomhlíonann gnéithe chóras T&N náisiúnta nó réigiúnach a fheidhmíonn go maith.</p>	<p>— Tá straitéis náisiúnta nó réigiúnach um speisialtóireacht chliste i bhfeidhm:</p> <p>— atá bunaithe ar anailís láidreachtaí, laigí, deiseanna, agus bagairtí (SWOT) nó ar anailís cosúil leis sin chun acmhainní a dhírú ar líon teoranta tosaíochtaí taighde agus nuálaíochta;</p> <p>— a leagann amach bearta chun infheistíocht phríobháideach in TFD a spreagadh;</p> <p>— ina bhfuil sásra faireacháin.</p> <p>— Tá creat glactha ina leagtar amach na hacmhainní buiséadacha atá ar fáil don taighde agus nuálaíocht.</p>
	<p>CFRE:</p> <p>— Feabhas a chur ar bhonneagar taighde agus nuálaíochta (T&N), agus ar acmhainní chun barr feabhais T&N a fhorbairt agus ionaid inniúlachta a chur chun cinn, go háirithe iad siúd a bhfuil leas Eorpach ag baint leo.</p>	<p>1.2 Bonneagar Taighde agus Nuálaíochta. Plean ilbhliantúil maidir le buiséadú agus beartú tosaíochta infheistíochtaí a bheith ann.</p>	<p>— Plean ilbhliantúil tascach glactha maidir le buiséadú agus beartú tosaíochta infheistíochtaí atá nasctha le tosaíochtaí an Aontais, agus i gcás inarb iomchuí, glacadh an Fóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagar Taighde - ESFRI.</p>
<p>2. Úsáid agus cáilíocht theicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) agus rochtain orthu a fheabhsú (Sprioc Leathanbhanda)</p> <p>(dá dtagraítear i bpointe (2) den chéad mhír d'Airteagal 9)</p>	<p>CFRE:</p> <p>— Seirbhísí agus táirgí TFC agus ríomhthráchtáil a fhorbairt agus éileamh ar TFC a fheabhsú.</p> <p>— Feidhmchláir TFC le haghaidh ríomhrialtais, ríomhfhoghlama, ríomhchuisithe, ríomhchultúir agus ríomhshláinte a neartú.</p>	<p>2.1. Fás digiteach: Creat beartais straitéiseach maidir le fás digiteach chun seirbhísí poiblí agus príobháideacha atá ar phraghas réasúnta, ar ardchaighdeán agus atá idir-inoibritheach le TFC a spreagadh agus líon na saoránach, lena n-áirítear grúpaí leochaileacha, na ngnóilachtaí agus na ranna riaracháin phoiblí, lena n-áirítear tionscnaimh trasteorann a úsáideann iad a mhéadú.</p>	<p>— Creat beartais straitéiseach maidir le fás digiteach, mar shampla, sa straitéis náisiúnta nó réigiúnach um speisialtóireacht chliste maidir le speisialtóireacht chliste i bhfeidhm ina bhfuil na nithe seo a leanas:</p> <p>— buiséadú agus beartú tosaíochta gníomhaíochtaí trí bhithin anailís SWOT nó anailís atá cosúil leis sin a dhéantar i gcomhréir le Scórchlár an Chláir Oibre Dhigitigh don Eoraip;</p> <p>— anailís a bheith déanta ar thacaíocht a chothromú idir an t-éileamh ar TFC agus soláthar TFC;</p>

Cuspóirí téamacha	Tosaíochtaí infheistíochta	Coinníollachtaí ex ante	Critéir atá le comhlíonadh
			<ul style="list-style-type: none"> — táscairí chun dul chun cinn ar idirghabhálacha i réimsí amhail an litearthacht dhigiteach, an ríomhchuimsiú, an rochtain leictreonach, agus an dul chun cinn ar ríomhshláinte a thomhas laistigh de theorainneacha Airteagal 168 CFAE atá ailínithe, i gcás inarb iomchuí, leis na straitéisí ábhartha earnála Aontais, náisiúnta agus réigiúnacha atá ann cheana; — measúnú ar riachtanais chun forbairt acmhainní TFC a threisiú.
	<p>CFRE:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Cur le húsáid leathanbhanda agus le feidhmiú céimneach líonraí ardluais agus tacú le glacadh teicneolaíochtaí agus líonraí don gheilleagar digiteach atá ag teacht chun cinn. 	<p>2.2. Bonneagar de Ghréasán don chéad Ghlúin Eile (NGN): Pleananna náisiúnta nó réigiúnacha NGN a bheith ann a chuireann gníomhaíochtaí réigiúnacha san áireamh d'fhonn spriocanna an Aontais maidir le rochtain Idirlín ardluais a bhaint amach, a dhíríonn ar réimsí ina dteipeann ar an margadh bonneagar oscailte ar phraghas réasúnta agus ar cháilíocht a chur ar fáil i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le hiomaíochas agus Státchabhair, agus seirbhísí inrochtana a chur ar fáil do ghrúpaí leochaileacha.</p>	<ul style="list-style-type: none"> — Tá plean náisiúnta nó réigiúnach NGN curtha ar bun ina bhfuil na nithe seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> — plean infheistíochtaí sa bhonneagar atá bunaithe ar anailís eacnamaíoch ag cur san áireamh bonneagair phríobháideacha agus phoiblí atá ann cheana agus infheistíochtaí pleanáilte; — samhlacha infheistíochta inbhuanaithe a fheabhsaíonn iomaíocht agus a sholáthraíonn rochtain ar bhonneagar agus ar sheirbhísí atá oscailte, ar phraghas réasúnta, ar ardcháilíocht agus atá oiriúnaithe don todhchaí; — bearta chun infheistíocht phríobháideach a spreagadh.
<p>3. Iomaíochas na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBManna) a fheabhsú</p> <p>(dá dtagraítear i bpointe (3) den chéad mhír d'Airteagal 9)</p>	<p>CFRE:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Fiontraíocht a chur chun cinn, go háirithe trí shaothrú eacnamaíoch smaointe nua a éascú agus cruthú gnólaíochtaí nua a chothú lena n-áirítear trí ghorlanna gnó. — Tacú le cumas FBManna chun páirt a ghlacadh i bpróisis an fháis i margaí réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus i bpróisis nuálaíochta; 	<p>3.1. Rinneadh gníomhaíochtaí sonracha chun tacú le fiontraíocht a chur chun cinn agus an Gníomh um Ghnólaíochtaí Beaga (GGB) á chur san áireamh.</p>	<ul style="list-style-type: none"> — Is éard atá sna gníomhaíochtaí sonracha sin: <ul style="list-style-type: none"> — bearta a cuireadh i bhfeidhm a bhfuil mar chuspóir acu laghdú a dhéanamh ar an am agus ar an gcostas a bhaineann le gnóthas a bhunú agus spriocanna GGB á gcur san áireamh; — cuireadh bearta i bhfeidhm agus mar chuspóir acu an t-am a laghdú is gá chun ceadúnais agus ceadanna a fháil chun gníomhaíocht shonrach an fhiontair a thosú agus a dhéanamh agus spriocanna an GGB á gcur san áireamh;

Cuspóirí téamacha	Tosaíochtaí infheistíochta	Coinníollachtaí ex ante	Critéir atá le comhlíonadh
<p>4. Tacú leis an aistriú i dtreo geilleagair ísealcharbóin sna hearnálacha uile</p> <p>(dá dtagraítear i bpointe (4) den chéad mhír d'Airteagal 9)</p>	<p>CRFE + Ciste Comhtháthaithe:</p> <p>— Tacú le héifeachtúlacht fuinnimh, bainistiú cliste fuinnimh agus úsáid fuinnimh in-athnuaite i mbonneagair phoiblí, lena n-áirítear i bhfoirgnimh phoiblí, agus san earnáil tithíochta;</p>	<p>4.1. Rinneadh gníomhaíochtaí ar mhaithe le feabhas costas-éifeachtach ar éifeachtúlacht fuinnimh na críochúsáide agus infheistíocht chostas-éifeachtach in éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus foirgnimh á dtógáil nó á n-athchóiriú</p>	<p>— tá sásra i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme bhearta GGB a cuireadh ar bun agus measúnú a dhéanamh ar thionchar na reachtaíochta ar FBManna.</p> <p>— Is éard atá sna gníomhaíochtaí sin:</p> <p>— bearta lena áirithiú go bhfuil íoscheanglais a bhaineann le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh i bhfeidhm atá comhsheasmhach le hAirteagal 3, le hAirteagal 4 agus le hAirteagal 5 de Threoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.</p> <p>— Bearta atá riachtanach chun córas deimhniúcháin a bhunú maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh i gcomhréir le hAirteagal 11 de Threoir 2010/31/AE..</p> <p>— bearta le planáil straitéiseach a áirithiú maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, atá comhsheasmhach le hAirteagal 3 de Threoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾;</p> <p>— bearta atá comhsheasmhach le hAirteagal 13 de Threoir 2006/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ maidir le héifeachtúlacht fuinnimh na críochúsáide agus le seirbhísí fuinnimh chun a áirithiú go dtugtar méadair aonair do na custaiméirí deiridh a mhéid is féidir sin a dhéanamh go teicniúil, a mhéid atá sé réasúnta ó thaobh airgeadais de agus comhréireach maidir le coigiltí fuinnimh a d'fhéadfadh a bheith ann.</p>
	<p>CFRE + Ciste Comhtháthaithe:</p> <p>— Úsáid ardéifeachtúil an teasa agus an fhuinnimh chomhghinte a chur chun cinn bunaithe ar éileamh úsáideach teasa.</p>	<p>4.2. Rinneadh gníomhaíochtaí chun ardéifeachtúlacht a chur chun cinn maidir le comhghiniúint teasa agus cumhachta.</p>	<p>— Is éard atá sna gníomhaíochtaí sin:</p> <p>— Tacaíocht do chomhghiniúint bunaithe ar éileamh ar theas úsáideach agus ar choigiltí fuinnimh phríomha atá i gcomhréir le hAirteagal 7.1 agus le pointe (a) agus le pointe (b) d'Airteagal 9.1. de Threoir 2004/8/CE, rinne na Ballstáit nó a gcomhlachtaí inniúla meastóireacht ar an gcreat reachtach agus rialúcháin atá ann cheana féin maidir le nósanna imeachta um údarú nó le nósanna imeachta eile d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:</p>

Cuspóirí téamacha	Tosaíochtaí infheistíochta	Coinníollachtaí ex ante	Critéir atá le comhlíonadh
			<p>(a) dearadh aonad comhghiniúna a spreagadh chun freagairt d'éilimh atá inchosanta go heacnamaíoch ar aschur teasa úsáidigh agus táirgeadh teasa seachas teas úsáideach a sheachaint; agus</p> <p>(b) na bacainní rialúcháin agus neamh-rialúcháin ar mhéadú ar chomhghiniúint a laghdú.</p>
	<p>CRFE + Ciste Comhtháthaithe:</p> <p>— Táirgeadh agus dáileadh fuinnimh a fhaightear ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn;</p>	<p>4.3. Rinneadh gníomhaíochtaí chun táirgeadh agus dáileadh foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur chun cinn ⁽⁴⁾.</p>	<p>— Tá scéimeanna tacaíochta trédhearcacha, tosaíocht maidir le rochtain ar an eangach nó rochtain ráthaithe agus maidir le seoladh, rialacha caighdeánacha a bhaineann le costas na n-oiriúnaithe teicniúla a iompar agus a chomhroinnt curtha i bhfeidhm agus comhsheasmhach le hAirteagal 14(1), le hAirteagal 16(2) agus le hAirteagal 16(3) de Threoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ agus tá siad curtha ar fáil don phobal.</p> <p>— Ghlac Ballstát plean gníomhaíochta náisiúnta um fhuinneamh in-athnuaite i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 2009/28/CE.</p>
<p>5. Oiriúnú don athrú aeráide, cosc ar riosca agus bainistíocht riosca a chur chun cinn</p> <p>(Sprioc an Athraithe Aeráide) (dá dtagraítear i bpointe (5) den chéad mhír d'Airteagal 9)</p>	<p>CRFE + Ciste Comhtháthaithe:</p> <p>— Infheistíocht a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sonracha, athléimneacht ó thubaistí a áirithiú agus córais bhainistithe tubaistí a fhorbairt</p>	<p>5.1. Cosc ar rioscaí agus bainistiú rioscaí: Measúnuithe náisiúnta nó réigiúnacha riosca um bainistíocht tubaistí a bheith ann. agus oiriúnú don athrú aeráide á chur san áireamh</p>	<p>— Beidh measúnú riosca náisiúnta nó réigiúnach i bhfeidhm ina mbeidh na gnéithe seo a leanas:</p> <p>— tuairisc ar an bpróiseas, ar an modheolaíocht, ar na modhanna agus ar na sonraí neamh-íogair a úsáidtear chun measúnú riosca náisiúnta a dhéanamh mar aon le cur síos ar na critéir riosca-bhunaithe a bhaineann le beartú tosaíochta infheistíochta;</p> <p>— tuairisc ar chásanna aonriosca agus ilrioscaí;</p> <p>— straitéisí náisiúnta oiriúnaithe don athrú aeráide a chur san áireamh, i gcás inarb iomchuí.</p>

Cuspóirí téamacha	Tosaíochtaí infheistíochta	Coinníollachtaí ex ante	Critéir atá le comhlíonadh
<p>6. An comhshaol a chaomhnú agus a chosaint agus éifeachtúlacht acmhainne a chur chun cinn</p> <p>(dá dtagraítear i bpointe (6) den chéad mhír d'Airteagal 9)</p>	<p>CFRE + Ciste Comhtháthaithe:</p> <p>— Infheistiú san earnáil uisce chun ceanglais acquis comhshaoil an Aontais a chomhlíonadh agus chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais a shainaitníonn na Ballstáit le haghaidh infheistíochta a théann thar na ceanglais sin.</p>	<p>6.1. Earnáil an uisce: Na nithe seo a bheith ann: a) beartas praghsála uisce, lena dtugtar dóthain dreasachtaí do na húsáideoirí acmhainní uisce a úsáid go héifeachtúil agus b) rannchuidiú leordhóthanach na n-úsáidí éagsúla uisce le costas na seirbhísí uisce a ghnóthú ar ráta a chinntear sa phlean bainistithe abhantraí d'infheistíocht a dhéantar trí na cláir.</p>	<p>— In earnálacha a fhaigheann tacaíocht ó CRFE agus ón gCiste Comhtháthaithe, tá sé áirithithe ag Ballstát go rannchuidíonn na húsáidí éagsúla uisce le costas na seirbhísí uisce de réir earnála a ghnóthú i gcomhréir leis an gcéad fhleasc d'Airteagal 9(1) de Threoir 2000/60/CE, agus ag féachaint, i gcás inarb iomchuí, do na héifeachtaí sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíocha den ghnóthú agus ar dhálaí geografacha agus aeráide an réigiúin nó na réigiún a mbeidh tionchar acu air/orthu.</p> <p>— Tá plean bainistithe abhantraí glactha le haghaidh limistéar na habhantraí i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir 2000/60/CE⁽¹²⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce.</p>
	<p>CFRE + Ciste Comhtháthaithe:</p> <p>— Infheistiú san earnáil dramhaíola chun ceanglais acquis comhshaoil an Aontais a chomhlíonadh agus chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais a shainaitníonn na Ballstáit le haghaidh infheistíochta a théann thar na ceanglais sin.</p>	<p>6.2. Earnáil na dramhaíola: Infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair agus an chomhshaoil san earnáil dramhaíola a chur chun cinn, go háirithe trí phleananna bainistithe dramhaíola a fhorbairt i gcomhréir le Treoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl, agus le hord na réiteach dramhaíola.</p>	<p>— Cuireadh tuarascáil ar chur chun feidhme arna hiarraidh in Airteagal 11(5) de Threoir 2008/98/CE faoi bhráid an Choimisiúin maidir le dul chun cinn i dtaobh chomhlíonadh na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 11 de Threoir 2008/98/CE.</p> <p>— Plean bainistithe dramhaíola amháin nó níos mó a bheith ann mar a cheanglaítear faoi Airteagal 28 de Threoir 2008/98/CE.</p> <p>— Cláir maidir le dramhaíl a chosc a bheith ann, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 29 de Threoir 2008/98/CE;</p> <p>— Glacadh bearta riachtanacha chun na spriocanna maidir le hullmhú don athúsáid agus don athchúrsáil a bhaint amach faoi 2020, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Threoir 2008/98/CE.</p>

Cuspóirí téamacha	Tosaíochtaí infheistíochta	Coinníollachtaí ex ante	Critéir atá le comhlíonadh
<p>7. Iompar inbhuanaithe a chur chun cinn agus baic i bpríomhbhonneagair líonraí a bhaint</p> <p>(dá dtagraítear i bpointe (7) den chéad mhír d'Airteagal 9)</p>	<p>CFRE + Ciste Comhtháthaithe:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Tacú le Limistéar Iompair Eorpach Aonair ilmhódach trí infheistíocht a dhéanamh in TEN-T; — Córais iarnróid chuimsitheacha, ardháilíochta agus idir-inoibritheacha a fhorbairt agus a athshlánú, agus bearta laghdaithe torainn a chur chun cinn. — Córais iompair neamhdhíobhálacha don chomhshaoil (lena n-áirítear íseal-torainn) agus íseal-charbóin a fhorbairt agus a fheabhsú, lena n-áirítear uiscebhealaí intíre agus iompar muirí, calafoirt, naisc ilmhódacha agus bonneagar aerfoirt, chun soghluaisteacht réigiúnach agus áitiúil inbhuanaithe a chur chun cinn; <p>CFRE:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Soghluaisteacht réigiúnach a fheabhsú trí nóid thánaisteacha agus threasacha a nascadh le bonneagar TEN-T, lena n-áirítear nóid ilmhódacha; 	<p>7.1. Iompar: Plean nó creat cuimsitheach nó pleananna nó creataí cuimsitheacha a bheith ann le haghaidh infheistíochta san iompar i gcomhréir le heagrú institiúideach na mBallstát (lena n-áirítear iompar poiblí ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil) lena dtacaítear le forbairt bonneagair agus lena gcuirtear feabhas ar na croighréasáin chuimsitheacha TEN-T.</p>	<ul style="list-style-type: none"> — Plean nó creat cuimsitheach nó pleananna nó creataí cuimsitheacha iompair a bheith ann le haghaidh infheistíochta san iompar lena gcomhlíontar na ceanglais dhlíthiúla maidir le measúnú straitéiseach comhshaoil agus lena leagtar amach an méid seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> — an rannchuidiú leis an Limistéar Iompair Eorpach aonair i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (?), lena n-áirítear tosaíochtaí i gcomhair infheistíochtaí sna nithe seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> — croighréasán TEN-T agus an gréasán cuimsitheach a mbeartaítear go ndéanfaidh CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe infheistíocht iontu; agus — lúdracht thánaisteach; — plean réalaióch agus aibí do na tionscadail atá beartaithe le haghaidh tacaíochta ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe; — Bearta a áiríteoidh cumas na gcomhlachtaí agus na dtairbhíthe idirghabhála plean an tionscadail a chur i gcrích.
	<p>CFRE + Ciste Comhtháthaithe:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Tacú le Limistéar Iompair Eorpach Aonair ilmhódach trí infheistíocht a dhéanamh sa Ghréasán Iompair Tras-Eorpach (TEN-T); — Córais iarnróid chuimsitheacha, ardháilíochta agus idir-inoibritheacha a fhorbairt agus a athshlánú, agus bearta laghdaithe torainn a chur chun cinn. 	<p>7.2. Iarnród: Roinn shonrach maidir le forbairt iarnróid a bheith sa phlean nó creat cuimsitheach nó sna pleananna nó creataí cuimsitheacha iompair náisiúnta le haghaidh infheistíochta san iompar i gcomhréir le heagrú institiúideach na mBallstát (lena n-áirítear maidir le hiompar poiblí ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil) lena dtacaítear le forbairt bonneagair agus lena gcuirtear feabhas ar lúdracht leis na croighréasáin chuimsitheacha TEN-T. Cuimsítear sócmhainní soghluaiste, idir-inoibritheacht agus forbairt acmhainní sna hinfeistíochtaí.</p>	<ul style="list-style-type: none"> — Roinn shoiléir maidir le forbairt iarnróid a bheith sa phlean nó creat cuimsitheach nó sna pleananna nó creataí cuimsitheacha iompair mar a leagtar amach thuas, lena gcomhlíontar ceanglais dhlíthiúla i gcomhair measúnú straitéiseach comhshaoil agus lena leagtar síos plean réalaióch agus aibí don tionscadal (lena n-áirítear tráthchlár agus creat buiséadach); — Bearta a áiríteoidh cumas na gcomhlachtaí agus na dtairbhíthe idirghabhála plean an tionscadail a chur i gcrích.

Cuspóirí téamacha	Tosaíochtaí infheistíochta	Coinníollachtaí ex ante	Critéir atá le comhlíonadh
	<ul style="list-style-type: none"> — Córais iompair neamhdhíobhálacha don chomhshaol (lena n-áirítear íseal-torainn) agus íseal-charbóin a fhorbairt agus a fheabhsú, lena n-áirítear uiscebhealaí intíre agus iompar muirí, calafoirt, naisc ilmhódacha agus bonneagar aerfoirt, chun soghluaisteacht réigiúnach agus áitiúil inbhuanaithe a chur chun cinn; <p>CFRE:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Soghluaisteacht réigiúnach a fheabhsú trí nóid thánaisteacha agus threasacha a nascadh le bonneagar TEN-T, lena n-áirítear nóid ilmhódacha; 		
	<p>CRFE + Ciste Comhtháthaithe:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Tacú le Limistéar Iompair Eorpach Aonair ilmhódach trí infheistíocht a dhéanamh sa Ghréasán Iompair Tras-Eorpach (TEN-T); — Córais iarnróid chuimsitheacha, ardcháilíochta agus idir-inoibritheacha a fhorbairt agus a athshlánú, agus bearta laghdaithe torainn a chur chun cinn. — Córais iompair neamhdhíobhálacha don chomhshaol (lena n-áirítear íseal-torainn) agus íseal-charbóin a fhorbairt agus a fheabhsú lena n-áirítear uiscebhealaí intíre agus iompar muirí, calafoirt, naisc ilmhódacha agus bonneagar aerfoirt, chun soghluaisteacht réigiúnach agus áitiúil inbhuanaithe a chur chun cinn; <p>CFRE:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Soghluaisteacht réigiúnach a fheabhsú trí nóid thánaisteacha agus threasacha a nascadh le bonneagar TEN-T, lena n-áirítear nóid ilmhódacha; 	<p>7.3. Móid eile iompair, lena n-áirítear uiscebhealaí intíre agus iompar muirí, calafoirt, naisc ilmhódacha agus bonneagar aerfoirt: Roinn shoiléir a bheith sa phlean nó creat cuimsitheach nó sna pleannanna nó creatáí cuimsitheacha maidir le cuid sonracha ar uiscebhealaí intíre agus iompar muirí, calafoirt, naisc ilmhódacha agus bonneagar aerfoirt a chuidíonn le feabhas ar na croíghréasáin chuimsitheacha TEN-T agus le soghluaisteacht réigiúnach agus áitiúil a chur chun cinn.</p>	<ul style="list-style-type: none"> — Roinn a bheith sa phlean nó sa chreat cuimsitheach nó sna pleannanna nó sna creatáí cuimsitheacha maidir le huiscebhealaí intíre agus iompar muirí, calafoirt, naisc ilmhódacha agus bonneagar aerfoirt: — a chomhlíonann na ceanglais dhlíthiúla don mheasúnú straitéiseach comhshaol; — a leagann amach plean réalaióch agus aibí don tionscadal (lena n-áirítear tráthchlár, creat buiséadach); — Bearta a áiríteoidh cumas na gcomhlachtaí agus na dtairbhíthe idirghabhála plean an tionscadail a chur i gcrích.
	<p>CFRE:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Éifeachtúlacht fuinnimh agus cinnteacht soláthair a fheabhsú trí chórais chliste a fhorbairt chun fuinneamh a dháileadh, a stóráil agus a tharchur agus trí ghiniúint dháilte ó fhoinsí in-athnuaite a chomhtháthú; 	<p>7.4 Córais imdháileadh, stórála agus tarchur cliste fuinnimh a fhorbairt;</p> <p>Pleananna cuimsitheacha a bheith ann maidir le hinfeistíochtaí i mbonneagair fuinnimh chliste agus bearta rialúcháin a rannchuidíonn le héifeachtúlacht fuinnimh agus le slándáil soláthair a fheabhsú</p>	<ul style="list-style-type: none"> — Pleananna cuimsitheacha a dhéanann cur síos ar thosaíochtaí bonneagair náisiúnta fuinnimh atá i gcrích: — i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir 2009/72/CE agus de Threoir 2009/73/CE, i gcás inarb infheidhme, agus

Cuspóirí téamacha	Tosaíochtaí infheistíochta	Coinníollachtaí ex ante	Critéir atá le comhlíonadh
			<ul style="list-style-type: none"> — i gcomhréir leis na pleananna ábhartha infheistíochta réigiúnaí faoi Airteagal 12 agus leis an bplean deich mbliana forbartha gréasáin i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 8(3)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾ agus le Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾, agus — ag luí le hAirteagal 3(4) de Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾; — Áireofar sna pleananna seo: — plean tionscadail réalaíoch agus aibí do na tionscadail atá beartaithe le haghaidh tacaíochta ón CFRE. — bearta chun comhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch mar aon le cosaint chomhshaoil a bhaint amach, i gcomhréir le hAirteagal 3(10) de Threoir 2009/72/CE agus le hAirteagal 3(7) de Threoir 2009/73/CE; — bearta chun úsáid fuinnimh a bharrfheabhsú agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn, i gcomhréir le hAirteagal 3(11) de Threoir 2009/72/CE agus le hAirteagal 3(8) de Threoir 2009/73/CE;
<p>8. Fostaíocht inbhuanaithe agus ar ardcháilíocht a chur chun cinn agus tacú le soghluaisteacht lucht saothair;</p> <p>(Sprioc na fostaíochta)</p> <p>(dá dtagraítear i bpointe (8) den chéad mhír d'Airteagal 9)</p>	<p>CSE:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Rochtain ag cuardaitheoirí poist agus daoine neamhghníomhacha ar fhostaíocht, lena n-áirítear daoine dífhostaithe go fadtéarmach agus atá i bhfad ón margadh saothair, agus freisin trí thionscnaimh áitiúla fostaíochta agus tacaíocht do shoghluaisteacht saothair. 	<p>8.1. Tá beartais ghníomhacha um margadh an lucht saothair ullmhaithe agus seachadta i bhfianaise na dtreoirlínte fostaíochta.</p>	<ul style="list-style-type: none"> — Tá sé ar chumas na seirbhísí fostaíochta na nithe seo a leanas a dhéanamh agus a sheachadadh: — seirbhísí pearsantaithe, comhairleoireacht agus bearta gníomhacha agus coisctheacha sa mhargadh saothair ag céim luath, atá ar fáil do gach cuardaitheoir poist ach fócas a bheith ar ghrúpaí i mbaol eisiaimh shóisialta lena n-áirítear daoine ó phobail imeallaithe;

Cuspóirí téamacha	Tosaíochtaí infheistíochta	Coinníollachtaí ex ante	Critéir atá le comhlíonadh
			<ul style="list-style-type: none"> — eolas cuimsitheach agus trédhearcach maidir le folúntais nua post agus deiseanna fostaíochta agus riachtanais athraitheacha na margáí saothair á gcur san áireamh. — Tá socruithe foirmiúla nó neamhfhoirmiúla comhair le geallsealbhóirí ábhartha bunaithe ag seirbhísí fostaíochta.
	<p>CSE:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Fiontraíocht, féinhostaíocht agus cruthú gnó lena n-áirítear fiontair bheaga, mheánmhéide agus mhicrifhiontair nuálacha. <p>CFRE:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Tacú le gorlanna gnó a fhorbairt agus tacaíocht infheistíochta a thabhairt d'fhéinhostaíocht, do mhicrifhiontair agus do chruthú gnó. 	<p>8.2. Féinhostaíocht, fiontraíocht agus cruthú gnó: creat beartais straitéiseach a bheith ann do thosú cuimsitheach.</p>	<ul style="list-style-type: none"> — Tá creat beartais straitéiseach do thacaíocht do ghnólacht nuathionscanta chuimsitheach i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas aige: <ul style="list-style-type: none"> — cuireadh bearta i bhfeidhm a bhfuil mar chuspóir acu laghdú a dhéanamh ar an am agus ar an gcostas a bhaineann le gnóthas a bhunú agus spriocanna an GGB á gcur san áireamh; — cuireadh bearta i bhfeidhm agus mar chuspóir acu an t-am a laghdú is gá chun ceadúnais agus ceadanna a fháil chun gníomhaíocht shonrach an fhiontair a thosú agus a dhéanamh agus spriocanna an GGB á gcur san áireamh; — gníomhaíochtaí lena nasctar seirbhísí oiriúnacha forbartha gnó agus seirbhísí airgeadais (rochtain ar chaipiteal), lena n-áirítear for-rochtain a dhéanamh le grúpaí faoi mhíbhuntáiste nó le limistéir faoi mhíbhuntáiste, nó le grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus le limistéir faoi mhíbhuntáiste araon, nuair is gá.
	<p>CSE:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Nua-aoisiú institiúidí an mhargaidh saothair, amhail seirbhísí fostaíochta poiblí agus príobháideacha, comhoiriúnú a fheabhsú maidir le riachtanais an mhargaidh saothair lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí a fheabhsóidh soghluaiseacht thrasnáisiúnta trí scéimeanna soghluaisteachta agus comhar níos fearr idir na hinsti-tiúidí agus na geallsealbhóirí ábhartha. <p>CFRE:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Infheistiú i mbonneagar do sheirbhísí fostaíochta. 	<p>8.3. Tá institiúidí mhargadh an tsaothair nuachóirithe agus neartaithe i bhfianaise na dTreoirlínte Fostaíochta;</p> <p>Gabfaidh creat beartais straitéiseach soiléir agus measúnú ex ante, lena n-áirítear maidir le gné na hinscne, roimh athchóirithe ar institiúidí mhargadh an tsaothair</p>	<ul style="list-style-type: none"> — Gníomhaíochtaí chun seirbhísí fostaíochta a athchóiriú, a bhfuil d'aidhm leo a chur a chumas na seirbhísí na nithe seo a leanas a sheachadadh: <ul style="list-style-type: none"> — seirbhísí pearsantaithe agus bearta gníomhacha agus coisctheacha sa mhargadh saothair ag céim luath, atá ar oscailt do gach cuardaitheoir poist ach fócas a bheith ar ghrúpaí i mbaol eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear daoine ó phobail imeallaithe; — eolas cuimsitheach agus trédhearcach maidir le folúntais nua post agus deiseanna fostaíochta agus riachtanais athraitheacha na margáí saothair á gcur san áireamh.

Cuspóirí téamacha	Tosaíochtaí infheistíochta	Coinníollachtaí ex ante	Critéir atá le comhlíonadh
			<ul style="list-style-type: none"> — Áireofar san athchóiriú a dhéanfar ar na seirbhísí fostaíochta gréasáin fhoirmiúla nó neamhfhoirmiúla chomhair a chruthú le geallsealbhóirí ábhartha.
	<p>CSE:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Aosú gníomhach agus sláintiúil 	<p>8.4. Aosú gníomhach agus sláintiúil: Deartar na beartais don aosú gníomhach i bhfianaise na dTreoirlínte Fostaíochta</p>	<ul style="list-style-type: none"> — Tá na geallsealbhóirí ábhartha rannpháirteach i ndearadh agus i mbearta leantacha na mbeartas don aosú gníomhach chun féachaint le hoibrithe scothaosta a choimeád ar mhargadh an tsaothair agus chun iad a bheith á bhfostú a chur chun cinn. — Tá bearta i bhfeidhm ag Ballstát chun aosú gníomhach a chur chun cinn.
	<p>CSE:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Inoiriúnú oibrithe, fiontar agus fiontraíthe d'athrú 	<p>8.5. Inoiriúnú oibrithe, fiontar agus fiontraíthe d'athrú: Beartais a bheith ann arb é is aidhm dóibh taobhú leis an athrú agus leis an athstruchtúrú is dóigh a tharlóidh agus taobhú lena ndea-bhainistiú.</p>	<ul style="list-style-type: none"> — Tá ionstraimí i bhfeidhm chun tacú le comhpháirtithe sóisialta agus le húdarais phoiblí chun cineálacha cur chuige réamhghníomhacha a fhorbairt agus faireachán a dhéanamh orthu maidir le hathrú agus le hathstruchtúrú, ina bhfuil na bearta seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> — bearta chun ionchasú athraithe a chur chun cinn; — bearta chun ullmhú agus bainistiú an phróisis athstruchtúrúcháin a chur chun cinn.
	<p>CSE:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Daoine óga, go háirithe iad siúd nach bhfuil fostaíthe nó in oideachas nó in oiliúint, lena n-áirítear daoine óga atá i mbaol an eisiaimh shóisialta agus daoine óga ó phobail imeallaithe, a chomhtháthú i margadh an tsaothair ar bhealach inbhuanaithe, lena n-áirítear tríd an Ráthaíocht don Aos Óg a chur chun feidhme. 	<p>8.6. Creat beartais straitéiseach a bheith ann chun fostaíocht don aos óg a chur chun cinn, lena n-áirítear trí chur chun feidhme na Ráthaíochta don Aos Óg.</p> <p>Níl feidhm ag an gcoinníollacht ex ante seo ach amháin maidir le TFAO a chur chun feidhme</p>	<ul style="list-style-type: none"> — Tá creat beartais straitéiseach maidir le fostaíocht don aos óg a chur chun cinn i bhfeidhm: <ul style="list-style-type: none"> — atá bunaithe ar fhianaise lena dtomhastar na torthaí do dhaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna agus ar bonn í chun beartais spriocdhírthe a fhorbairt agus faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí; — ina sainithnítear an t-údarás poiblí ábhartha atá freagrach as na bearta fostaíochta don aos óg a bhainistiú agus comhpháirtíochtaí ar fud na leibhéal agus na n-earnálacha uile a chomhordú; — a bhaineann leis na geallsealbhóirí atá ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar dhífhostaíocht an ógra; — ina gceadaítear idirghabháil luath agus gníomhachtú luath;

Cuspóirí téamacha	Tosaíochtaí infheistíochta	Coinníollachtaí ex ante	Critéir atá le comhlíonadh
			<ul style="list-style-type: none"> — ina gcuimsítear bearta tacaíochta le haghaidh rochtain a dhéanamh ar fhostaíocht, lena bhfeabhsaítear scileanna, soghluaisteacht saothair agus comhtháthú inbhuanaithe i margadh an tsaothair ar dhaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna.
<p>9. Cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, an bhochtaineacht agus aon idirdhealú a chomhrac;</p> <p>(sprioc na bochtaineachta)</p> <p>(dá dtagraítear i bpointe (9) den chéad mhír d'Airteagal 9)</p>	<p>CSE:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Cuimsiú gníomhach lena n-áirítear d'fhonn comhdheiseanna agus rannpháirtíocht ghníomhach a chur chun cinn agus infhostaitheacht a fheabhsú; <p>CFRE:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Infheistiú i mbonneagar sláinte agus sóisialta a rannchuidíonn le forbairt náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, sa chaoi is go laghdaítear neamhionannas i dtéarmaí stádais sláinte, agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí rochtain fheabhsaithe ar sheirbhísí sóisialta, cultúrtha, agus áineasa agus an trasdul ó sheirbhísí institiúide go seirbhísí pobal-bhunaithe. — Tacaíocht d'athghiniúint fhisiciúil, eacnamaíoch agus shóisialta pobal díothach i limistéir uirbeacha agus tuaithe 	<p>9.1. Creat beartais straitéiseach do laghdú na bochtaineachta a bheith ann arb é is aidhm dó daoine atá eisiata ó mhargadh an tsaothair a chuimsiú go gníomhach i bhfianaise na dtreoirí Fostaíochta.</p>	<ul style="list-style-type: none"> — Tá creat beartais straitéiseach náisiúnta do laghdú na bochtaineachta i bhfeidhm, arb é an cuimsiú gníomhach is aidhm dó: — lena gcuirtear bonn leordhóthanach faisnéise ar fáil chun beartais a fhorbairt chun an bhochtaineacht a laghdú agus lena ndéantar faireachán ar a mbíonn ag titim amach; — ina bhfuil bearta a thacaíonn le gnóthú na sprice um bochtaineacht náisiúnta agus eisiaimh sóisialta (mar a shainítear sa Chlár Athchóirithe Náisiúnta) lena n-áirítear deiseanna inbhuanaithe agus cáilíochta do dhaoine atá i mbaol mór eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear daoine ó na pobail imeallaithe. — a bhfuil geallsealbhóirí ábhartha bainteach leis agus an bhochtaineacht á comhrac; — ag brath ar na riachtanais shainaitheanta ina n-áirítear bearta maidir leis an athrú ó chúram institiúideach go chúram pobail; — Nuair a iarrtar sin agus i gcás ina bhfuil bonn cirt leis, féadfar tacaíocht a thabhairt do na geallsealbhóirí ábhartha chun iarratais ar thionscadail a dhéanamh agus chun na tionscadail roghnaithe a chur chun feidhme agus a bhainistiú.

Cuspóirí téamacha	Tosaíochtaí infheistiúchá	Coinníollachtaí ex ante	Critéir atá le comhlíonadh
	<p>CSE:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Comhtháthú socheacnamaíoch pobal imeallaithe amhail na Romaigh. <p>CFRE:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Infheistiú i mbonneagar sláinte agus sóisialta a rannchuidíonn le forbairt náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, sa chaoi is go laghdáitear neamhionannas i dtéarmaí stádais sláinte, ag cur cuimsithe shóisialta chun cinn trí rochtain feabhsaithe ar sheirbhísí sóisialta, cultúrtha agus áineasa agus leis an trasdul ó sheirbhísí institiúide go seirbhísí bunaithe sa phobal. — Tacaíocht d'athghiniúint fhisiciúil, eacnamaíoch agus shóisialta pobal díothach i limistéir uirbeacha agus tuaithe. — Infheistiú in oideachas, in oiliúint agus i ngairmoiliúint le haghaidh scileanna agus foghlama ar feadh an tsaoil trí bhonneagar oideachais agus oiliúna a fhorbairt. 	<p>9.2. Tá creat beartais straitéiseach náisiúnta um chuimsiú na Romach i bhfeidhm</p>	<ul style="list-style-type: none"> — Tá creat beartais straitéiseach náisiúnta um lánpháirtíú na Romach i bhfeidhm: — ina leagtar síos spriocanna náisiúnta indéanta maidir le lánpháirtíú na Romach chun an bhearna idir na Romaigh agus an gnáthphobal a laghdú. Ba cheart do na spriocanna sin aghaidh a thabhairt ar na ceithre sprioc um lánpháirtíú na Romach san AE a bhaineann le rochtain ar oideachas, ar fhostaíocht, ar chúram sláinte agus ar thithíocht; — ina n-aithnítear, i gcás inarb ábhartha, na micirréigiúin atá faoi mhíbhuntáiste nó na comharsanachtaí deighilte, ina bhfuil na pobail is díothaí, ach táscairí socheacnamaíocha agus críochacha atá ar fáil cheana a úsáid (i.e. leibhéal an-íseal oideachais, dífhostaíocht fhadtéarmach, etc.); — lena n-áirítear modhanna láidre faireacháin chun meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bheidh gníomhaíochtaí lánpháirtithe na Romach agus meicníocht athbhreithnithe chun an straitéis a oiriúnú. — atá deartha agus curtha chun feidhme i ndlúthchomhar agus i gcomhphlé leanúnach le sochaí shibhialta na Romach, le húdarais réigiúnacha agus áitiúla agus a ndéantar faireachán uirthi i ndlúthchomhar leo freisin. — Nuair a iarrtar sin agus i gcás ina bhfuil bonn cirt leis, déanfar tacaíocht a thabhairt do na geallsealbhóirí ábhartha chun iarratais ar thionscadail a dhéanamh agus chun na tionscadail roghnaithe a chur chun feidhme agus a bhainistiú.
	<p>CSE:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Rochtain ar sheirbhísí inacmhainne, inbhuanaithe agus ardcháilíochta, lena n-áirítear cúram sláinte agus seirbhísí sóisialta de leas ginearálta; 	<p>9.3. Sláinte: Creat beartais straitéiseach náisiúnta nó réigiúnach don tsláinte a bheith ann faoi theorainneacha Airteagal 168 CFAE lena n-áiríthítear an inbhuanaitheacht eacnamaíoch.</p>	<ul style="list-style-type: none"> — Tá creat beartais straitéiseach náisiúnta nó réigiúnach don tsláinte i bhfeidhm ina bhfuil an méid seo a leanas: — bearta comhordaithe chun an rochtain ar sheirbhísí sláinte a fheabhsú;

Cuspóirí téamacha	Tosaíochtaí infheistiúchá	Coinníollachtaí ex ante	Critéir atá le comhlíonadh
	<p>CFRE:</p> <p>— Infheistiú i mbonneagar sláinte agus sóisialta a rannchuidíonn le forbairt náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, sa chaoi sin ag laghdú éagothroime i dtéarmaí stádais sláinte, ag cur cuimsithe shóisialta chun cinn trí rochtain feabhsaithe ar sheirbhísí sóisialta, cultúrtha agus áineasa agus leis an trasdul ó sheirbhísí institiúide go seirbhísí bunaithe sa phobal.</p>		<p>— bearta chun éifeachtúlacht a spreagadh san earnáil sláinte trí úsáid samhlacha seachadta seirbhíse agus bonneagair;</p> <p>— córas faireacháin agus athbhreithnithe mar chuid di.</p> <p>— Tá creat glactha ag Ballstát nó ag réigiún lena léirítear, ar bhealach tascach, acmhainní buiséadacha atá ar fáil agus díriú costéifeachtach acmhainní ar riachtanais tosaíochta don chúram sláinte.</p>
<p>10. Infheistiú in oideachas, in oiliúint agus gairmoiliúint le haghaidh scileanna agus i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil;</p> <p>(Sprioc oideachais)</p> <p>(dá dtagraítear i bpointe (10) den chéad mhír d'Airteagal 9)</p>	<p>CSE:</p> <p>— Líon na leanaí a fhágann an scoil go luath a laghdú agus a chosc agus rochtain chothrom ar oideachas luath-óige, ar bhunoidéachas agus ar mheánoideachas de dhea-cháilíocht a chur chun cinn, lena n-áirítear conairí foghlama foirmiúla, nach bhfuil foirmiúil, agus neamhfhoirmiúla chun páirt a athghlacadh san oideachas agus san oiliúint;</p> <p>CFRE:</p> <p>— Infheistiú in oideachas, in oiliúint agus i ngairmoiliúint le haghaidh scileanna agus foghlama ar feadh an tsaoil trí bhonneagar oideachais agus oiliúna a fhorbairt.</p>	<p>10.1. Luathfhágáil na scoile: Creat beartais straitéiseach a bheith ann chun luathfhágáil na scoile (LFS) a laghdú laistigh de theorainneacha Airteagal 165 CFAE.</p>	<p>— Tá córas i bhfeidhm chun sonraí agus faisnéis LFS a bhailiú agus a anailísiú ar leibhéal ábhartha:</p> <p>— lena gcuirtear bonn leordhóthanach faisnéise ar fáil chun beartais spriocdhírthe a fhorbairt lena ndéantar faireachán ar a mbíonn ag titim amach.</p> <p>— Tá creat beartais straitéiseach maidir le LFS i bhfeidhm:</p> <p>— atá bunaithe ar fhianaise;</p> <p>— lena gcumhdaítear earnálacha ábhartha oideachais, lena n-áirítear forbairt luath an pháiste, lena ndírítear go háirithe ar na grúpaí is mó atá i mbaol LFS, lena n-áirítear daoine ó phobail imeallaithe, agus lena dtugtar aghaidh ar bhearta coiscthe, idirghabhála agus cúitimh;</p> <p>— a bhfuil gach earnáil beartais agus gach geallsealbhóir bainteach leis atá ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar LFS.</p>

Cuspóirí téamacha	Tosaíochtaí infheistíochta	Coinníollachtaí ex ante	Critéir atá le comhlíonadh
	<p>CSE:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Caighdeán agus éifeachtúlacht oideachais tríú leibhéal agus a choibhéis agus rochtain air a fheabhsú d'fhonn rannpháirtíocht agus gnóthachtáil a mhéadú, go háirithe do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste. <p>CFRE:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Infheistiú in oideachas, in oiliúint agus i ngairmoiliúint le haghaidh scileanna agus foghlama ar feadh an tsaoil trí bhonneagar oideachais agus oiliúna a fhorbairt. 	<p>10.2. Ardoideachas: Creat beartais straitéiseach náisiúnta nó réigiúnach a bheith ann chun gnóthachtáil, cáilíocht agus éifeachtúlacht oideachais threasaigh a mhéadú laistigh de theorainneacha Airteagal 165 CFAE.</p>	<ul style="list-style-type: none"> — Tá creat beartais straitéiseach náisiúnta nó réigiúnach don oideachas treasach i bhfeidhm lena gcuimsítear na gnéithe seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> — i gcás inar gá, bearta chun rannpháirtíocht agus gnóthachtáil a mhéadú lena ndéantar na nithe seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> — rannpháirtíocht san ardoideachas a mhéadú i measc grúpaí ísealioncain agus grúpaí eile faoi ghannionadaíocht go háirithe maidir le daoine faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear daoine ó phobail imeallaithe; — rátaí luathfhágála na scoile a mhaolú/rátaí comhlíonta a fheabhsú. — bearta chun ábhar nuálaíoch agus dearadh cláir a spreagadh; — bearta chun infhostaitheacht agus fiontraíocht a mhéadú, lena ndéantar na nithe seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> — forbairt "scileanna trasna" a spreagadh, lena n-áirítear fiontraíocht i gcláir ábhartha ardoideachais; — difríochtaí inscne a laghdú i roghanna acadúla agus gairmoideachais.
	<p>CSE:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Trí rochtain chothrom ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil do gach grúpa i suímh fhoirmiúla, i suímh nach bhfuil foirmiúil agus i suímh neamhfoirmiúla, trí fhaisnéis, scileanna agus inniúlachtaí an lucht saothair a uasghrádú agus conairí solúbtha foghlama a chur chun cinn lena n-áirítear trí ghairmthreoir agus bailíochtú inniúlachtaí faighte; 	<p>10.3. Foghlaim ar feadh an tsaoil: Creat beartais straitéiseach náisiúnta agus/nó réigiúnach don fhoghlaim ar feadh an tsaoil a bheith ann laistigh de theorainneacha Airteagal 165 CFAE.</p>	<ul style="list-style-type: none"> — Tá creat beartais straitéiseach náisiúnta nó réigiúnach don fhoghlaim ar feadh an tsaoil i bhfeidhm ina gcuimsítear na nithe seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> — bearta chun tacú leis na seirbhísí forbartha agus nasctha don fhoghlaim ar feadh an tsaoil (FFS) lena n-áirítear a gcur chun feidhme agus uasghrádú scileanna (i.e. bailíochtú, treorú, oideachas agus oiliúint) agus le haghaidh rannpháirtíocht geallsealbhóirí agus comhpháirtíocht le geallsealbhóirí ábhartha;

Cuspóirí téamacha	Tosaíochtaí infheistíochta	Coinníollachtaí ex ante	Critéir atá le comhlíonadh
	<p>CFRE:</p> <p>— Infheistiú in oideachas, in oiliúint agus i ngairmoiliúint le haghaidh scileanna agus foghlama ar feadh an tsoil trí bhonneagar oideachais agus oiliúna a fhorbairt.</p>		<p>— bearta chun forbairt scileanna a chur ar fáil lena bhfreagraítear do na riachtanais atá ag spriocghrúpaí éagsúla i gcás ina saináithnítear i gcreat beartais straitéiseach náisiúnta nó réigiúnach gur grúpaí tosaíochta iad siúd (mar shampla, daoine óga faoi ghairmoiliúint, daoine fásta, tuismitheoirí ag filleadh ar mhargadh an tsaothair, oibrithe ar bheagán oiliúna agus oibrithe níos sine, imircigh agus grúpaí eile faoi mhíbhuntáiste, go háirithe daoine faoi mhíbhuntáiste);</p> <p>— bearta chun rochtain ar FFS a leathnú, lena n-áirítear trí iarrachtaí chun uirlisí trédhearcachta a chur chun feidhme go héifeachtach (mar shampla an Creat Eorpach um Cháilíochtaí, an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí, ECVET, an Creat Tagartha Eorpach um Dhearbhu Cáilíochta i nGairmoideachas agus Gairmoiliúint);</p> <p>— Bearta chun ábharthacht an oideachais agus na hoiliúna a fheabhsú ó thaobh mhargadh an tsaothair de agus chun í a oiriúnú do riachtanais na spriocghrúpaí saináitheanta (mar shampla daoine óga faoi ghairmoiliúint, daoine fásta, tuismitheoirí ag filleadh ar mhargadh an tsaothair, oibrithe ar bheagán oiliúna agus oibrithe eile, imircigh agus grúpaí eile faoi mhíbhuntáiste, go háirithe daoine faoi mhíbhuntáiste).</p>
	<p>CSE:</p> <p>— Ábharthacht na gcóras oideachais agus oiliúna maidir le margadh an tsaothair a fheabhsú, aistriú ó oideachas go hobair a éascú, agus córais gairmoideachais agus gairmoiliúna agus a gcaighdeán a neartú, lena n-áirítear trí shásraí d'oirthill scileanna, oiriúnú curaclaim agus bunú agus forbairt na gcóras foghlama bunaithe ar obair, lena n-áirítear déchórais foghlama agus scéimeanna printíseachta;</p>	<p>10.4 Creat beartais straitéiseach náisiúnta nó réigiúnach a bheith ann chun cáilíocht agus éifeachtúlacht córais GG a mhéadú laistigh de theorainneacha Airteagal 165 CFAE.</p>	<p>— Creat beartais straitéiseach náisiúnta nó réigiúnach a bheith ann chun cáilíocht agus éifeachtúlacht córais GG a mhéadú laistigh de theorainneacha Airteagal 165 CFAE, lena n-áirítear bearta don mhéid seo a leanas:</p>

Cuspóirí téamacha	Tosaíochtaí infheistíochta	Coinníollachtaí ex ante	Critéir atá le comhlíonadh
	<p>CFRE:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Infheistiú in oideachas, in oiliúint agus i ngairmoiliúint le haghaidh scileanna agus foghlama ar feadh an tsoil trí bhonneagar oideachais agus oiliúna a fhorbairt. 		<ul style="list-style-type: none"> — ábharthacht na gcóras oideachais agus oiliúna maidir le margadh an tsaothair a fheabhsú i ndlúthchomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear trí shásraí d'oirchill scileanna, oiriúnú curaclam agus soláthar na gcóras foghlama bunaithe ar an obair ina fhoirmeacha éagsúla a threisiú; — Bearta chun cáilíocht agus tarraingteacht GG a mhéadú trí chur chuige náisiúnta a bhunú do dhearbhú cáilíochta do GG (mar shampla a i gcomhréir leis an gCreat Tagartha Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta i nGairmoideachas agus Gairmoiliúna) agus lena gcuirtear chun feidhme na huirlisí trédhearcachta agus aitheantais, mar shampla an Creat Tagartha Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta i nGairmoideachas. (ECVET).
<p>11. Cumas institiúideach na n-údarás phoiblí agus na ngeallsealbhóirí mar aon le riarachán poiblí éifeachtúil a fheabhsú.</p> <p>(dá dtagraítear i bpointe (11) den chéad mhír d'Airteagal 9)</p>	<p>ESF:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Infheistiocht a dhéanamh gcumas institiúideach agus in éifeachtúlacht riarachán poiblí agus seirbhísí poiblí ar na leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ar mhaithe le hathchóirithe, rialáil níos fearr agus dea-rialachas; <p>CFRE:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Feabhas a chur ar chumas institiúideach údarás poiblí agus geallsealbhóirí agus ar riarachán éifeachtúil poiblí trí ghníomhaíochtaí chun cumas institiúideach agus éifeachtúlacht ranna riaracháin phoiblí agus seirbhísí poiblí a bhaineann le cur chun feidhme CFRE a neartú, agus trí thacú le gníomhaíochtaí faoi CSE chun an cumas institiúideach agus éifeachtúlacht an riaracháin phoiblí a neartú. 	<ul style="list-style-type: none"> — Creat beartais straitéiseach a bheith ann chun éifeachtúlacht riaracháin na mBallstát a threisiú, lena n-áirítear athchóiriú ar riarachán poiblí 	<ul style="list-style-type: none"> — Tá creat beartais straitéiseach chun éifeachtúlacht riaracháin údarás poiblí Ballstáit agus a scileanna a threisiú leis na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm agus á chur chun feidhme. — anailís agus pleanáil straitéiseach ar ghníomhaíochtaí dlíthiúla, eagraíochtúla agus/nó athchóirithe níos imeachta; — forbairt córais bhainistíochta cháilíochta; — gníomhaíochtaí comhtháite do shimpliú agus do chuíchóiriú nósanna imeachta riaracháin; — forbairt agus cur chun feidhme straitéisí agus beartais acmhainní daonna lena gcumhdaítear na príomhbhearnaí arna saináithint sa réimse seo; — forbairt scileanna ar gach leibhéal den ordlathas gairmiúil laistigh de na húdaráis phoiblí;

Cuspóirí téamacha	Tosaíochtaí infheistíochta	Coinníollachtaí ex ante	Critéir atá le comhlíonadh
	<p>Ciste Comhtháthaithe:</p> <p>— Feabhas a chur ar chumas institiúideach údarás poiblí agus geallsealbhoirí agus ar riarachán éifeachtúil poiblí trí ghníomhaíochtaí chun cumas institiúideach agus éifeachtúlacht riaracháin phoiblí agus seirbhísí poiblí a bhaineann le cur chun feidhme an Chiste Chomhtháthaithe a neartú.</p>		<p>— forbairt nósanna imeachta agus uirlisí i gcomhair faireacháin agus meastóireachta.</p>

- (1) Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO L 153, 18.6.2010, lch. 13).
- (2) Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle of 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoir 2009/125/CE agus Treoir 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/8/CE agus Treoir 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1).
- (3) Treoir 2006/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2006 maidir le héifeachtúlacht chriochúsáide fuinnimh agus le seirbhísí fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 93/76/CEE ón gComhairle (IO L 114, 27.4.2006, lch. 64).
- (4) Treoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn agus lena leasaítear Treoir 2001/77/CE agus Treoir 2003/30/CE agus lena n-aisghairtear na Treoracha sin ina dhiaidh sin (IO L 140, 5.6.2009, lch. 16).
- (5) IO L 327, 22.12.2000, lch. 1.
- (6) Rialachán ó Pharlaimint na 1315 hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt 2011/0294 (COD) (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1).
- (7) Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha rochtana ar an ngréasán um malartuithe trasteorann sa leictreachas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1228/2003 (IO L 211, 14.8.2009, lch. 15).
- (8) Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar na gréasáin gáis nádúrtha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 (IO L 211, 14.8.2009, lch. 36).
- (9) Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagair thras-Eorpaigh fuinnimh agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1364/2006/CE agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 713/2009, Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 (IO L 115, 25.4.2013, lch. 39).

CUID II: Coinníollachtaí ginearálta ex-ante

Réimse	Coinníollacht ex ante	Critéir atá le comhlíonadh
1. Frith-idirdhealú	Cumas riaracháin a bheith ann maidir le dlí agus beartas frith-idirdhealaithe an Aontais i réimse Chistí SIE a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm.	<p>— Socruithe i gcomhréir le creat institiúideach agus dlíthiúil na mBallstát maidir le rannpháirtíocht na gcuideachtaí atá freagrach as cóir chomhionann na ndaoine go léir le linn cláir a bheith á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme, lena n-áirítear comhairle a bheith á cur ar fáil maidir le comhionannas sna gníomhaíochtaí a bhaineann le cistí SIE</p> <p>— Socruithe maidir le hoiliúint le haghaidh fhoireann na n-údarás atá rannpháirteach i mbainistiú agus i rialú na gCistí SIE i réimsí dlí agus beartais fhrith-idirdhealaithe an AE.</p>
2. Inscne	Cumas riaracháin a bheith ann maidir le dlí agus beartas comhionannais inscne an Aontais i réimse Chistí SIE a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm	<p>— Socruithe i gcomhréir le creat institiúideach agus dlíthiúil na mBallstát maidir le rannpháirtíocht na gcuideachtaí atá freagrach as comhionannas inscne le linn cláir a bheith á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme, lena n-áirítear comhairle a bheith á cur ar fáil maidir le comhionannas inscne sna gníomhaíochtaí a bhaineann le cistí SIE;</p> <p>— Socruithe maidir le hoiliúint le haghaidh bhail foirne na n-údarás atá rannpháirteach i mbainistiú agus i rialú Chistí SIE i réimsí dlí comhionannais inscne agus beartais an Aontais agus maidir le príomhshruthú inscne.</p>

Réimse	Coinníollacht ex ante	Critéir atá le comhlíonadh
3. Míchumas	Cumas riaracháin a bheith ann maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm éifeachtach Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar chearta daoine atá faoi mhíchumas (UNCPRD) i réimse Chistí SIE i gcomhréir le Cinneadh 2010/48/CE ón gComhairle ⁽¹⁾	<ul style="list-style-type: none"> — Socruithe i gcomhréir le creat institiúideach agus dlíthiúil na mBallstát maidir le comhairliúcháin agus rannpháirtíocht cuideachtaí i bhfeighil ar chosaint chearta daoine faoi mhíchumas nó eagraíochtaí atá ionadaíoch ar dhaoine faoi mhíchumas agus geallsealbhoirí ábhartha eile le linn ullmhú agus chur chun feidhme clár; — Socruithe le haghaidh oiliúna maidir le baill foirne na n-údarás atá rannpháirteach i mbainistiú agus i rialú Chistí SIE i réimsí dhlí agus bheartais an Aontais agus an dlí náisiúnta faoi mhíchumas is infheidhme, lena n-áirítear inrochtaineacht agus cur i bhfeidhm an UNCPRD mar a léirítear i reachtaíocht an Aontais agus sa reachtaíocht náisiúnta, mar is iomchuí; — Socruithe chun faireachán maidir le cur chun feidhme Airteagal 9 de UNCPRD i ndáil le Cistí SIE le linn ullmhú agus chur chun feidhme na gclár.
4. Soláthar poiblí	Socruithe a bheith ann chun dlí soláthair phoiblí an Aontais a chur i bhfeidhm go héifeachtach i réimse Chistí SIE	<ul style="list-style-type: none"> — Socruithe chun dlí soláthair phoiblí an Aontais a chur i bhfeidhm go héifeachtach trí shásraí iomchuí; — Socruithe lena n-áiríteofar nósanna imeachta trédhearcacha maidir le dámhachtain conarthaí; — Socruithe don oiliúint agus don scaipeadh faisnéise ar bhaill foirne atá bainteach le cur chun feidhme chistí SIE; — Socruithe chun acmhainní riaracháin a áirithiú do chur chun feidhme agus do chur i bhfeidhm rialacha soláthair phoiblí an Aontais.
5. Státchabhair	Socruithe a bheith ann chun rialacha an Aontais maidir le Státchabhair a chur i bhfeidhm go héifeachtach i réimse Chistí SIE	<ul style="list-style-type: none"> — Socruithe chun rialacha an Aontais maidir le Státchabhair a chur i bhfeidhm go héifeachtach; — Socruithe don oiliúint agus don scaipeadh faisnéise ar bhaill foirne atá bainteach le cur chun feidhme na gcistí SIE; — Socruithe chun acmhainní riaracháin a áirithiú do chur chun feidhme agus do chur i bhfeidhm rialacha an Aontais maidir le Státchabhair.
6. Reachtaíocht chomhshaoil a bhaineann le Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaoil (MTC) agus leis an measúnacht straitéiseach comhshaoil (MSC)	Socruithe a bheith ann chun reachtaíocht chomhshaoil an Aontais i ndáil le MTC agus MSC a chur i bhfeidhm go héifeachtach.	<ul style="list-style-type: none"> — Socruithe chun Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ (MTC) agus Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ (MSC) a chur i bhfeidhm go héifeachtach; — Socruithe don oiliúint agus don scaipeadh faisnéise ar bhaill foirne atá bainteach le cur chun feidhme Threoir MTC agus Threoir MSC; — Socruithe chun acmhainní leordhóthanacha riaracháin a áirithiú.

Réimse	Coinníollacht ex ante	Critéir atá le comhlíonadh
7. Córais staidrimh agus táscairí toraidh	<p>Bonn staidrimh a bheith ann atá riachtanach chun tabhairt faoi mheastóireachtaí chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar thionchar na gclár.</p> <p>Córas a bheith ann de tháscairí ar thorthaí is gá chun gníomhaíochtaí a roghnú, lena rannchuidítear ar an mbealach is éifeachtaí le torthaí inmhianaithe, chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo torthaí agus chun measúnú tionchair a dhéanamh.</p>	<ul style="list-style-type: none"> — Tá socrúithe i bhfeidhm chun sonraí staidrimh a bhailiú agus a chomhiomlánú go tráthúil ina bhfuil na gnéithe seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> — sainaitheint na bhfoinsí agus na sásraí chun bailíochtú staidrimh a áirithiú; — socrúithe maidir le foilsíú agus le hinfhaighteacht phoiblí sonraí comhiomlánaithe; — córas éifeachtach de tháscairí ar thorthaí, lena n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> — roghnú táscairí toraidh do gach clár, lena gcuirtear faisnéis ar fáil faoi na nithe sin lena spreagtar roghnú na ngníomhaíochtaí beartais a mhaoinítear leis an gclár; — spriocanna a bhunú do na táscairí sin; — urramú gach táscaire, lena gceanglaítear an méid seo a leanas: stóinseacht agus bailíochtú staidrimh, soiléireacht an léirmhíneithe normataigh, sofhréagracht don bheartas, bailiú tráthúil sonraí; — Nósanna imeachta i bhfeidhm lena áirithiú go nglacfaidh na hoibríochtaí uile a mhaoinítear faoin gclár córas éifeachtach táscairí.

⁽¹⁾ Cinneadh ón gComhairle an 26 Samhain 2009 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt Choimhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas i gcrích (IO L 23, 27.1.2010, lch. 35)

⁽²⁾ Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú ar na héifeachtaí atá ag tionscadail áirithe phoiblí agus phríobháideacha ar an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1).

⁽³⁾ Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le héifeachtaí pleannanna agus clár áirithe ar an gcomhshaol a mheasúnú (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30).

IARSCRÍBHINN XII

FAISNÉIS AGUS CUMARSÁID AR THACAÍOCHT Ó NA CISTÍ

1. LIOSTA OIBRÍOCHTAÍ

Beidh na réimsí sonraí seo a leanas sa liosta oibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 115(2), i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Bhallstáit ar a laghad:

- ainm an tairbhí (eintitis dhlíthúla amháin; ní ainmneofar daoine nádúrtha ar bith);
- ainm na hoibríochta;
- achomre ar an oibríocht;
- dáta tosaithe na hoibríochta;
- dáta críochnaithe na hoibríochta (an dáta a bhfuiltear ag súil go mbeidh an oibríocht críochnaithe go fisiciúil nó curtha chun feidhme go hiomlán);
- an caiteachas iomlán incháilithe arna leithdháileadh ar an oibríocht;
- ráta cómhaoinithe Aontais (in aghaidh na haise tosaíochta);
- postchód na hoibríochta; nó táscaire suímh iomchuí eile;
- tír;
- ainm an chatagóra idirghabhála don oibríocht i gcomhréir le pointe (b) (vi) den chéad fhomhír d'Airteagal 96(2);
- dáta an nuashonraithe is déanaí ar an liosta oibríochtaí.

Cuirfear ceannteidil na réimsí sonraí ar fáil freisin i dteanga oifigiúil amháin eile ar a laghad de chuid an Aontais.

2. BEARTA FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE DON PHOBAL

Glacfaidh an Ballstát, an t-údarás bainistíochta agus na tairbhíthe na céimeanna is gá chun faisnéis a chur ar fáil don phobal, agus cumarsáid a dhéanamh leis, faoi oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht faoi chlár oibríochtúil i gcomhréir leis an Rialachán seo.

2.1. Freagrachtaí an Bhallstáit agus an údaráis bhainistíochta

1. Áiritheoidh an Ballstát agus an t-údarás bainistíochta go gcuirtear na bearta faisnéise agus cumarsáide chun feidhme i gcomhréir leis an straitéis chumarsáide agus go bhféachtar leis na bearta sin le cumarsáid a dhéanamh leis an líon is mó daoine is féidir sna meáin uile trí leas á bhaint as cineálacha agus modhanna éagsúla cumarsáide ar an leibhéal iomchuí.
2. Beidh an Ballstát nó an t-údarás bainistíochta freagrach as na bearta faisnéise agus cumarsáide seo a leanas ar a laghad a eagrú:
 - (a) mórghníomhaíocht faisnéise a eagrú lena ndéantar poiblíocht maidir le seoladh an chláir oibríochtúil nó na glár oibríochtúil, fiú roimh na straitéisí cumarsáide ábhartha a fhormheas;
 - (b) mórghníomhaíocht faisnéise amháin in aghaidh na bliana a eagrú ina gcuirtear chun cinn na deiseanna cistithe agus na straitéisí arna saothrú agus ina gcuirtear i láthair mórghníomhartha an chláir oibríochtúil nó na glár oibríochtúil, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, mórthionscadail, comhphleananna gníomhaíochta agus samplaí eile tionscadail;
 - (c) taispeáint fheathal an Aontais ag áitreabh gach údaráis bhainistíochta;

- (d) foilsíú leictreonach an liosta oibríochtaí i gcomhréir le Roinn 1 den Iarscríbhinn seo;
- (e) samplaí d'oibríochtaí a thabhairt, de réir clár oibríochtúla, ar an suíomh gréasáin aonair nó ar shuíomh gréasáin an chláir oibríochtúil ar féidir rochtain a fháil air tríd an dtairseach aonair suímh ghréasáin; ba cheart na samplaí a bheith i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais a labhraítear go forleathan, teanga seachas teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla an Bhallstáit lena mbaineann;
- (f) nuashonrú faisnéise faoi chur chun feidhme an chláir oibríochtúil, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, a phríomh-mhórhíomhartha, ar an láithreán gréasáin aonair nó ar láithreán gréasáin an chláir oibríochtúil ar féidir rochtain a fháil air tríd an tairseach aonair láithreáin ghréasáin.
3. Socróidh an t-údarás bainistíochta, i gcás inarb iomchuí, go mbeidh baint ag na comhlachtaí seo a leanas le bearta faisnéise agus cumarsáide i gcomhréir le dlíthe agus le cleachtais náisiúnta:
- (a) na comhpháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 5;
- (b) ionaid faisnéise faoin Eoraip, chomh maith le hoifigí ionadaíochta an Choimisiúin, agus oifigí eolais de chuid Pharlaimint na hEorpa sna Ballstáit;
- (c) institiúidí oideachais agus taighde.

Scaipfidh na comhlachtaí sin an fhaisnéis a thuairiscítear in Airteagal 115(1) go forleathan.

2.2. Freagrachtaí na dtairbhíthe

1. Déanfaidh gach beart faisnéise agus cumarsáide a chuireann an tairbhí i bhfeidhm tacaíocht ó na Cistí don oibríocht a aithint trína nithe seo a leanas a thaispeáint:
- (a) feathal an Aontais, a thaispeáint i gcomhréir leis na saintréithe teicniúla atá leagtha síos sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh ag an gCoimisiún faoi Airteagal 115(4), chomh maith le tagairt don Aontas;
- (b) tagairt don Chiste nó do na Cistí atá ag tacú leis an oibríocht.
- I gcás go mbaineann beart faisnéise nó cumarsáide le hoibríocht nó le roinnt oibríochtaí atá cómhaoinithe ag Ciste amháin nó níos mó, féadfar an tagairt do Chisté SIE a chur in ionad na tagartha dá bhforáiltear i bpointe (b).
2. Le linn chur chun feidhme oibríochta, cuirfidh an tairbhí an pobal ar an eolas faoin tacaíocht a fuarthas ó na Cistí tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (a) cur síos gairid ar an oibríocht i gcomhréir leis an leibhéal tacaíochta a chur ar fáil ar láithreán gréasáin an tairbhí, i gcás inarb ann dá leithéid de láithreán gréasáin, lena n-áirítear a haidhmeanna agus a torthaí, agus béim a chur ar an tacaíocht airgeadais a fuarthas ón Aontas;
- (b) i gcás oibríochtaí nach gcumhdaítear faoi phointe 4 agus faoi phointe 5, póstaer amháin ar a laghad ar a bhfuil faisnéis faoin tionscadal (A3 ar a laghad), lena n-áirítear an tacaíocht airgeadais ón Aontas, a chur in áit is féidir leis an bpobal a fheiceáil go héasca, amhail limistéar bhealach isteach foirgnimh.
3. I gcás oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CSE, agus i gcásanna iomchuí i gcás oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CFRE nó ón gCiste Comhtháthaithe, áiríteoidh an tairbhí gur cuireadh iad siúd a ghlacann páirt in oibríocht ar an eolas faoin gcistiú sin.

Aon doiciméad, a bhaineann le hoibríocht a chur chun feidhme a úsáidtear don phobal nó do rannpháirtithe, lena n-áirítear aon teastas tinrimh nó teastas eile, áireofar ann ráiteas go bhfuair an clár oibríochtúil tacaíocht ón gCiste nó ó na Cistí.

4. Le linn chur chun feidhme oibríocht CFRE nó oibríocht de chuid an Chiste Chomhtháthaithe, déanfaidh an tairbhí clár fógraí sealadach a chur suas, in áit is féidir leis an bpobal a fheiceáil go héasca, clár de mhéid shuntasach do gach oibríocht arb é maoiniú bonneagair nó oibríochtaí tógála a bhfuil an tacaíocht iomlán phoiblí don oibríocht os cionn EUR 500 000 atá inti.

5. Tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis chríochnú oibríochta, déanfaidh an tairbhí, in áit is féidir leis an bpobal a fheiceáil go héasca, plaic bhuan nó clár fógraí buan de mhéid shuntasach a chur suas do gach oibríocht a chomhlíonann na critéir seo a leanas:

- (a) tá an tacaíocht iomlán phoiblí don oibríocht os cionn EUR 500 000;
- (b) is é atá san oibríocht ceannach ruda fhisicigh nó maoiniú oibríochtaí bonneagair nó tógála.

Sonrófar ar an bplaic nó ar an gclár fógraí ainm agus príomhchuspóir na hoibríochta. Ullmhófar í/é i gcomhréir leis na saintréithe teicniúla arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 115(4).

3. BEARTA FAISNÉISE DO THAIRBHITHE FÉIDEARTHA AGUS DO THAIRBHITHE

3.1. Bearta faisnéise do thairbhithe féideartha

1. Áiríteoidh an t-údarás bainistíochta, i gcomhréir leis an straitéis chumarsáide, go ndéantar straitéis agus cuspóirí an chláir oibríochtúil agus deiseanna cistithe a chuirtear ar fáil trí thacaíocht chomhpháirteach ón Aontas agus ón mBallstát ar fáil a scaipeadh go forleathan i measc thairbhithe féideartha agus gach páirtí leasmhair, le sonraí faoin tacaíocht airgeadais ó na Cistí lena mbaineann.

2. Déanfaidh an t-údarás bainistíochta a áirithiú go bhfuil rochtain ag tairbhithe ionchasacha ar fhaisnéis ábhartha, lena n-áirítear faisnéis nuashonraithe i gcás inar gá, agus inrochtaineacht seirbhísí eile leictreonacha nó cumarsáide do thairbhithe ionchasacha áirithe á gcur san áireamh, maidir leis an méid seo a leanas ar a laghad:

- (a) na deiseanna cistithe agus iarrataí ar iarratais a sheoladh;
- (b) incháilitheacht na gcoinníollacha caiteachais atá le comhlíonadh chun cáiliú do thacaíocht faoi chláir oibríochtúil;
- (c) cur síos ar na nósanna imeachta chun iarratais ar chistiú a scrúdú agus ar na tréimhsí ama i gceist;
- (d) na critéir chun na hoibríochtaí a bhfuil tacaíocht le tabhairt dóibh a roghnú;
- (e) na teagmhálaithe ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil atá in ann faisnéis a chur ar fáil faoi na cláir oibríochtúla;
- (f) an fhreagracht atá ar thairbhithe féideartha chun an pobal a chur ar an eolas faoi aidhm na hoibríochta agus faoin tacaíocht ó na Cistí don oibríocht i gcomhréir le pointe 2.2. D'fhéadfadh an t-údarás bainistíochta iarraidh ar thairbhithe féideartha gníomhaíochtaí cumarsáide táscaha atá comhréireach le méid na hoibríochta a mholadh, sna hiarratais.

3.2. Bearta faisnéise do thairbhithe

1. Cuirfidh an t-údarás bainistíochta tairbhithe ar an eolas gurb ionann glacadh le cistiú agus glacadh lena gcuimsiú ar an liosta oibríochtaí arna fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 115(2).

2. Cuirfidh an t-údarás bainistíochta uirlisí cumarsáide agus poiblíochta ar fáil, lena n-áirítear teimpléid i bhformáid leictreonach, chun cabhrú le tairbhithe a n-oibleagáidí atá leagtha amach i bpointe 2.2 a chomhlíonadh, i gcás inarb infheidhme.

4. GNÉITHE NA STRAITÉISE CUMARSÁIDE

Áireofar na gnéithe seo a leanas sa straitéis chumarsáide a dhéanfaidh an t-údarás bainistíochta agus, más iomchuí an Ballstát, a tharraingt suas:

- (a) cur síos ar an gcur chuige a úsáideadh, lena n-áirítear na príomhbhearta faisnéise agus cumarsáide atá le déanamh ag an mBallstát nó ag an údarás bainistíochta agus atá dírithe ar thairbhithe féideartha, ar thairbhithe, ar iolraitheoirí agus ar an bpobal i gcoitinne, ag féachaint do na haidhmeanna a gcuirtear síos orthu in Airteagal 115;
- (b) cur síos ar ábhair a chuirfeadh ar fáil i bhformáid inrochtana do dhaoine atá faoi mhíchumas;
- (c) cur síos ar an gcaoi a dtacófar le tairbhithe ina ngníomhaíochtaí cumarsáide;
- (d) an buiséad táscach do chur chun feidhme na straitéise;

- (e) cur síos ar na comhlachtaí riaracháin, lena n-áirítear na hacmhainní foirne, atá freagrach as na bearta faisnéise agus cumarsáide a chur chun feidhme;
 - (f) na socruithe do na bearta faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear i bpointe 2, lena n-áirítear an suíomh gréasáin nó an tairseach suímh ghréasáin ar a bhfuil fáil ar shonraí den sórt sin;
 - (g) tásc ar an gcaoi a ndéanfar measúnú ar na bearta faisnéise agus cumarsáide i dtéarmaí infheictheacht an bheartais agus feasacht i leith an bheartais, na gclár oibríochtúil agus na n-oibríochtaí, agus ról na gCistí agus an Aontais;
 - (h) i gcás inarb iomchuí, cur síos ar úsáid phríomhthorthaí an chláir oibríochtúil roimhe sin;
 - (i) nuashonrú bliantúil ina leagtar amach na gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide atá le déanamh an bhliain dar gcionn.
-

IARSCRÍBHINN XIII

CRITÉIR CHUN AN T-ÚDARÁS BAINISTÍOCHTA AGUS AN T-ÚDARÁS DEIMHNIÚCHÁIN A AINMNIÚ

1. TIMPEALLAUGHT RIALAITHE INMHEÁNACH

- (i) Beidh struchtúr eagrúcháin ann a chumhdóidh feidhmeanna na n-údarás bainistíochta agus deimhniúcháin agus leithdháileadh na bhfeidhmeanna laistigh de gach ceann de na húdaráis sin, agus a áiritheoidh go n-urramaítear prionsabal na deighilte feidhmeanna i gcás inarb iomchuí.
- (ii) I gcás ina ndéantar tascanna a tharmligean do chomhlachtaí idirmheánacha, beidh creat ann chun go ndeimhneofar go sainainmnítear a gcuid cúraimí agus oibleagáidí faoi seach, go bhfíorófar a gcumas chun tabhairt faoi na tascanna tarmligthe agus go bhfuil ann do nósanna imeachta maidir le tuairisciú.
- (iii) Beidh ann do nósanna imeachta maidir le tuairisciú agus faireachán i ndáil le mírialtachtaí agus le haghaidh airgead a íocadh a aisghabháil nuair nár cheart sin a íoc ar dtús.
- (iv) Beidh plean ann chun acmhainní daonna cuí a fhostú ag leibhéal éagsúla agus i bhfeidhmeanna éagsúla laistigh den eagraíocht agus go mbeidh na scileanna teicniúla riachtanacha acu.

2. BAINISTÍOCHT RIOSCA

Agus prionsabal na comhréireachta á chur san áireamh, beidh ann do chreat lena n-áiritheofar go ndéanfar beart cuí maidir le bainistiú riosca nuair is gá sin agus, go háirithe, i gcás modhnuithe móra ar na gníomhaíochtaí.

3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ BAINISTÍOCHTA AGUS RIALAITHE

A. An t-údarás bainistíochta

- (i) Beidh nósanna imeachta ann maidir le hiarratais ar dheontais, iarratais a mheas, iarratais a roghnú lena gcistiú, lena n-áireofar rialacha agus teoracha chun a áirithiú go rannchuidíonn oibríochtaí le sainchuspóirí agus torthaí na tosaíochta ábhartha a bhaint amach, i gcomhréir le pointe (a)(i) d'Airteagal 125(3).
- (ii) Beidh nósanna imeachta ann maidir le fíorú bainistíochta lena n-áireofar fíorú riaracháin i ndáil le gach iarratas ar aisíocaíocht a thagann ó thairbhíthe agus maidir le hoibríochtaí a bhaineann le fíoruithe ar an láthair.
- (iii) Beidh nósanna imeachta ann maidir le hiarratais a thagann ó thairbhíthe a láimhseáil i ndáil le haisíocaíochtaí agus le húdarú íocaíochtaí.
- (iv) Beidh nósanna imeachta ann maidir le sonraí a bhailiú, a thairbhíthe agus a stóráil i bhfoirm leictreonach maidir le gach oibríocht lena n-áireofar, nuair is iomchuí, sonraí ar rannpháirtithe aonair agus maidir le briseadh síos a dhéanamh ar na sonraí i ndáil le táscairí de réir inscne nuair is gá sin agus déanfar seo d'fhonn deimhniú go mbeidh an córas slándála ar aon dul le caighdeán atá inghlactha go hidirnáisiúnta.
- (v) Bunóidh an t-údarás bainistíochta nósanna imeachta d'fhonn deimhniú go gcoimeádann tairbhíthe córas cuntasáíochta ar leith nó cód cuntasáíochta leordhóthanach maidir le gach idirbheart a bhaineann le hoibríocht.
- (vi) Beidh nósanna imeachta ann maidir le bearta frithchaloise a bheidh éifeachtach agus comhréireach.
- (vii) Beidh nósanna imeachta ann maidir le córas cartlainne agus rian iniúcháireachta a bheidh leordhóthanach.
- (viii) Beidh nósanna imeachta ann maidir le dearbhú bainistíochta um ráthú a dhréachtadh, tuarascáil a thabhairt ar na rialuithe a rinneadh agus na laigí a sainaitníodh, agus an achoimre bhliantúil i ndáil le rialuithe agus iniúchtaí deiridh.
- (ix) Beidh nósanna imeachta ann maidir le doiciméad a sholáthar don tairbhí ina leagtar amach na coinníollacha le haghaidh gach oibríochta.

B. An t-údarás deimhniúcháin

- (i) Beidh nósanna imeachta ann maidir le hiarratais ar íocaíochtaí eatramhacha a dheimhniú don Choimisiún.
- (ii) Beidh nósanna imeachta ann maidir le cuntais a chur le chéile agus le deimhniú go bhfuil siad ceart, iomlán agus cruinn agus go ndéanfaidh an caiteachas dlí is infheidhme a chomhlíonadh lena gcuirfear san áireamh torthaí gach iniúchta.
- (iii) Beidh nósanna imeachta ann maidir le rian iniúchóireachta leordhóthanach trí thairfead cuntasaoíochta a choimeád i bhfoirm leictreonach agus ina gcuirfear méideanna atá inghnóthaithe, gnóthaithe agus astarraingthe maidir le gach oibríocht.
- (iv) Beidh nósanna imeachta ann, i gcás inarb iomchuí, chun a áirithiú go bhfaighfidh an t-údarás deimhniúcháin go leor faisnéise ón údarás bainistíochta maidir leis na fóruithe a rinneadh agus maidir le torthaí na n-iniúchtaí a rinne an t-údarás iniúchóireachta nó a rinneadh faoina fhreagracht siúd.

4. FAIREACHÁN

A. An t-údarás bainistíochta

- (i) Beidh nósanna imeachta ann d'fhonn tacú le hobair an choiste faireacháin.
- (ii) Beidh nósanna imeachta ann maidir le tuarascálacha deiridh ar chur chun feidhme a dhréachtú agus a chuir faoi bhráid an Choimisiúin.

B. An t-údarás deimhniúcháin

Beidh nósanna imeacht ann maidir le comhlíonadh chúraimí an údaráis deimhniúcháin i ndáil le faireachán a dhéanamh ar thorthaí na bhfóruithe bainistíochta agus ar thorthaí na n-iniúchtaí a rinne an t-údarás iniúchóireachta nó a rinneadh faoina fhreagracht siúd sula gcuirfear iarratais ar íocaíochtaí faoi bhráid an Choimisiúin.

IARSCRÍBHINN XIV

TÁBLA COMHGHAOIL

Rialachán (CE) Uimh 1083/2006	An Rialachán Seo
Airteagal 1	Airteagal 1
Airteagal 2	Airteagal 2
Airteagal 3 agus Airteagal 4	Airteagal 89
Airteagal 5, Airteagal 6 agus Airteagal 8	Airteagal 90
Airteagal 7	—
Airteagal 9	Airteagal 4 and Airteagal 6
Airteagal 10	Airteagal 4(1)
Airteagal 11	Airteagal 5
Airteagal 12	Airteagal 4(4)
Airteagal 13	Airteagal 4(5)
Airteagal 14	Airteagal 4(7) agus (8) agus Airteagal 73
Airteagal 15	Airteagal 95
Airteagal 16	Airteagal 7
Airteagal 17	Airteagal 8
Airteagal 18	Airteagal 91
Airteagal 19 go hAirteagal 21	Airteagal 92
Airteagal 22	Airteagal 93 agus Airteagal 94
Airteagal 23	Airteagal 92(6)
Airteagal 24	Airteagal 91(3)
Airteagal 25	Airteagal 10 agus Airteagal 11
Airteagal 26	Airteagal 12
Airteagal 27	Airteagal 15
Airteagal 28	Airteagal 14 agus Airteagal 16
Airteagal 29	Airteagal 52
Airteagal 30	Airteagal 53
Airteagal 31	Airteagal 113
Airteagal 32	Airteagal 26, Airteagal 29 agus Airteagal 96(9) agus (10)
Airteagal 33	Airteagal 30 agus Airteagal 96(11)
Airteagal 34	Airteagal 98
Airteagal 35	Airteagal 99
Airteagal 36	Airteagal 31
Airteagal 37	Airteagal 27 agus Airteagal 96(1) go (8)
Airteagal 38	—

Rialachán (CE) Uimh 1083/2006	An Rialachán Seo
Airteagal 39	Airteagal 100
Airteagal 40	Airteagal 101
Airteagal 41	Airteagal 102 agus Airteagal 103
Airteagal 42	Airteagal 123(7)
Airteagal 43	—
Airteagal 43a	Airteagal 67
Airteagal 43b	Airteagal 67
Airteagal 44	Airteagal 37 go hAirteagal 46
Airteagal 45	Airteagal 58 agus Airteagal 118
Airteagal 46	Airteagal 59 agus Airteagal 119
Airteagal 47	Airteagal 54
Airteagal 48	Airteagal 55, Airteagal 56(1) go (3), Airteagal 57 agus Airteagal 114(1) agus (2)
Airteagal 49	Airteagal 56(4), Airteagal 57 agus Airteagal 114(3)
Airteagal 50	Airteagal 20 go hAirteagal 22
Airteagal 51	—
Airteagal 52	Airteagal 121
Airteagal 53 agus Airteagal 54	Airteagal 60 agus Airteagal 120
Airteagal 55	Airteagal 61
Airteagal 56	Airteagal 65 go hAirteagal 70
Airteagal 57	Airteagal 71
Airteagal 58	Airteagal 73
Airteagal 59	Airteagal 123
Airteagal 60	Airteagal 125
Airteagal 61	Airteagal 126
Airteagal 62	Airteagal 127
Airteagal 63	Airteagal 47
Airteagal 64	Airteagal 48
Airteagal 65	Airteagal 110
Airteagal 66	Airteagal 49
Airteagal 67	Airteagal 50 agus Airteagal 111
Airteagal 68	Airteagal 51 agus Airteagal 112
Airteagal 69	Airteagal 115 go hAirteagal 117
Airteagal 70	Airteagal 74 agus Airteagal 122
Airteagal 71	Airteagal 124
Airteagal 72	Airteagal 75

Rialachán (CE) Uimh 1083/2006	An Rialachán Seo
Airteagal 73	Airteagal 128
Airteagal 74	Airteagal 148
Airteagal 75	Airteagal 76
Airteagal 76	Airteagal 77 agus Airteagal 129
Airteagal 77	Airteagal 78 agus Airteagal 130
Airteagal 78 agus Airteagal 78a	Airteagal 131
Airteagal 79	—
Airteagal 80	Airteagal 132
Airteagal 81	Airteagal 80 agus Airteagal 133
Airteagal 82	Airteagal 81 agus Airteagal 134
Airteagal 83	—
Airteagal 84	Airteagal 82
Airteagal 85 go hAirteagal 87	Airteagal 135
Airteagal 88	—
Airteagal 89	Airteagal 141
Airteagal 90	Airteagal 140
Airteagal 91	Airteagal 83
Airteagal 92	Airteagal 142
Airteagal 93	Airteagal 86 agus Airteagal 136
Airteagal 94	—
Airteagal 95	—
Airteagal 96	Airteagal 87
Airteagal 97	Airteagal 88
Airteagal 98	Airteagal 143
Airteagal 99	Airteagal 85 agus Airteagal 144
Airteagal 100	Airteagal 145
Airteagal 101	Airteagal 146
Airteagal 102	Airteagal 147
Airteagal 103 agus Airteagal 104	Airteagal 150
Airteagal 105	Airteagal 152
Airteagal 105a	—
Airteagal 106	Airteagal 151
Airteagal 107	Airteagal 153
Airteagal 108	Airteagal 154

Ráiteas Comhpháirteach ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 67

Comhaontaíonn an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le hAirteagal 67 (4) lena n-eisiatar feidhmiú na gcostas simplithe a leagtar amach in Airteagal 67 (1) (b)-(d) i gcásanna ina gcuirtear oibríocht nó tionscadal ar cuid í nó é d'oibríocht chun feidhme go heisiach trí nósanna imeachta um sholáthar poiblí, nach gcoiscfear leis an Airteagal sin cur chun feidhme oibríochta trí nósanna imeachta um sholáthar poiblí a ndéanann an tairbhí íocaíochtaí chuig an gconraitheoir mar thoradh orthu ar íocaíochtaí iad atá bunaithe ar chostais aonad atá réamhshainithe. Comhaontaíonn an Chomhairle agus an Coimisiún gur fíorchostais a tabhaíodh iarbhír agus a d'íoc an tairbhí faoi Airteagal 67 (1) (a) iad na costais a chinnfear agus a íocfaidh an tairbhí, ar costais iad a bheidh bunaithe ar na costais aonad sin a leagtar síos trí na nósanna imeachta um sholáthar poiblí.

Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hathbhreithniú ar Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle atá nasctha le hathbhunú leithreasaí

Comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún go n-áireofar san athbhreithniú ar an Rialachán Airgeadais, lena gcuirfear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar comhréim leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-20, forálacha is gá chun na socruithe le haghaidh leithdháileadh an chúlchiste feidhmíochta a chur i bhfeidhm agus maidir le hionstraimí airgeadais faoi Airteagal 39 (tionscnamh FBM) a chur chun feidhme faoin Rialachán lena leagtar síos forálacha comhchoiteanna i gcomhair na gCistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa maidir leis na nithe a leanas a athbhunú:

- i. leithreasaí a bhí geallta le haghaidh clár i ndáil leis an gcúlchiste feidhmíochta agus nárbh fholáir iad a shaoradh mar thoradh ar thosaíochtaí faoi na cláir sin nár baineadh a ngarspriocanna amach agus;
- ii. leithreasaí a bhí geallta i ndáil le cláir thiomnaithe dá dtagraítear faoi Airteagal 39(4)b agus nárbh fholáir iad a shaoradh de bhrí go raibh gá ann le deireadh a chur le rannpháirtíocht Ballstáit san ionstraim airgeadais.

Ráiteas Comhphárteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 1

Má bhíonn gá le tuilleadh maoluithe a mbeidh bonn cirt leo ar na rialacha comhchoiteanna d'fhonn sonraíochtaí i CEMI agus i CETFT a chur san áireamh, geallann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach na maoluithe sin a cheadú trí dhul ar aghaidh le dúthracht iomchuí chuig na modhnuithe riachtanacha ar an Rialachán lena leagtar síos forálacha coiteanna le haghaidh Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa.

Ráiteas Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haon chúlghabhálacht i ndáil le cur i bhfeidhm Airteagal 5(3) a eisiamh

Comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an méid a leanas:

- maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 14(2), Airteagal 15(1)(c), agus Airteagal 26 (2) den Rialachán lena leagtar síos forálacha coiteanna le haghaidh Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, leis na gníomhaíochtaí a ghlacfaidh na Ballstáit chun go mbeidh na comhpháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 5(1) rannpháirteach in ullmhúchán an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus na gclár dá dtagraítear in Airteagal 5 (2) áirítear na gníomhaíochtaí go léir a ghlacfaidh na Ballstáit ar leibhéal praiticiúil beag beann ar a dtráthúlacht mar aon leis na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh siad roimh dó siúd teacht i bhfeidhm agus roimh lá theacht i bhfeidhm an ghníomhartha tharmligthe le haghaidh cód iompair Eorpaigh a ghlacfar i gcomhréir le hAirteagal 5(3) den Rialachán céanna, le linn na gcéimeanna ullmhúcháin de nós imeachta clársceidealaithe de chuid Ballstáit, ar an gcoinníoll go mbainfeadh amach cuspóirí an phrionsabail comhpháirtíochta a leagtar síos sa Rialachán sin. Faoi chuimsiú an méid sin, cinntí na Ballstáit, i gcomhréir lena n inniúlachtaí náisiúnta agus réigiúnacha, inneachar an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus na ndrúachtchlár a mholtar araon, i gcomhréir le forálacha ábhartha an Rialacháin sin agus leis na rialacha sonracha maidir le cistí;
- ní bheidh éifeacht chúlghabhálach ar chor ar bith, go díreach nó go hindíreach ag an ngníomh tarmligthe lena leagtar síos cód iompair Eorpach, a ghlacfar i gcomhréir le hAirteagal 5(3), go háirithe maidir leis an nós imeachta i ndáil leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus na cláir a fhorhmeas, ós rud é nach bhfuil sé ceaptha le reachtas AE cumhachtaí ar bith a thabhairt don Choimisiún lena bhféadfadh sé diúltú d'fhorhmeas an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus na gclár bunaithe amháin ar aon chineál neamh chomhlíonadh an chóid iompair Eorpaigh, a ghlactar i gcomhréir le hAirteagal 5(3);
- iarrann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an gCoimisiún an dréacht-téacs den ghníomh tarmligthe atá le glacadh faoi Airteagal 5(3) a chur ar fáil dóibh a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná an dáta ar a nglacfaidh an Chomhairle an comhaontú polaitiúil maidir leis an Rialachán lena leagtar síos forálacha coiteanna le haghaidh Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa ná an dáta ar a vótálfar an dréacht thuarascáil maidir leis an Rialachán sin ag seisiún iomlánach Parlaimint na hEorpa, cibé dáta acu siúd is túisce.

**RIALACHÁN (AE) Uimh 1304/2013 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE
an 17 Nollaig 2013.**

**maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 ón
gComhairle**

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 164 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint do na tuairimí ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (1),

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún (2),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Bunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (3) an creat gníomhaíochta do Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE), do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF), don Chiste Comhtháthaithe, don Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus don Chiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus leagtar síos ann, go háirithe, na cuspóirí téamúla, na prionsabail agus na rialacha a bhaineann le clárú, faireachán agus meastóireacht, bainistíocht agus rialú. Ní mór mar sin misean agus raon feidhme CSE a shonrú, mar aon leis na tosaíochtaí infheistíochta bainteacha a ghabhann leis na cuspóirí téamúla, agus ní mór forálacha sonracha a leagan síos maidir leis an gcineál gníomhaíochtaí a fhéadfaidh CSE a mhaoiniú.

(2) Ba cheart do CSE deiseanna fostaíochta a fheabhsú, cuimsiú sóisialta a neartú, bochtaineacht a chomhrac, oideachas, scileanna agus foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn agus beartais ghníomhacha, chuimsitheacha agus inbhuanaithe cuimsithe a fhorbairt i

(1) IO C 143, 22.5.2012, lch. 82 agus IO C 271, 19.9.2013, lch. 101.

(2) IO C 225, 27.7.2012, lch. 127.

(3) Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (Féach leathanach 320 den Iris Oifigiúil seo).

gcomhréir leis na cúraimí arna leagan ar CSE le hAirteagal 162 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus sa dóigh sin rannchuidiú le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críche i gcomhréir le hAirteagal 174 CFAE. i gcomhréir le hAirteagal 9 CFAE, ba cheart do CSE na riachtanais a chur san áireamh a bhaineann le hardleibhéal fostaíochta a chur chun cinn, le cosaint shóisialta leordhóthanach a ráthú, leis an gcomhrac i gcoinne eisiaimh shóisialta, agus le hardleibhéal oideachais, oiliúna, agus cosaint na sláinte daonna.

(3) D'iarr an Chomhairle Eorpach an 17 Meitheamh 2010 go dtacódh na comhbheartais uile, lena n-áirítear an beartas comhtháthaithe, le "Straitéis Eoraip 2020 maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach" ("Straitéis Eoraip 2020"). Chun a áirithiú go n-ailíneofar CSE go hiomlán le cuspóirí na straitéise seo, go háirithe maidir le fostaíocht, le hoideachas, le hoiliúint agus leis an gcomhrac i gcoinne an eisiaimh shóisialta, an bhochtanaí agus an leithcheala, ba cheart do CSE tacú leis na Ballstáit agus na Treoirí Comhtháite agus na moltaí tír-shonracha ábhartha arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 121(2) agus le hAirteagal 148(4) CFAE agus, i gcás inarb iomchuí, ar leibhéal náisiúnta, an clár náisiúnta um athchóiriú, atá tacaíthe ag straitéisí fostaíochta náisiúnta, na tuarascálacha náisiúnta sóisialta, straitéisí náisiúnta maidir le lánpháirtiú na romach agus straitéisí náisiúnta maidir le míchumas á gcur i gcuntas. Ba cheart do CSE rannchuidiú freisin le gnéithe ábhartha de chur chun feidhme na dtionscnaimh suaitheanta, ag féachaint go speisialta don "Chlár Oibre do Scileanna agus do Phoist Nua", "An Óige ag Bogadh", agus don Chlár Eorpach i gcoinne na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta". Ba cheart dó tacú freisin le gníomhaíochtaí ábhartha sna tionscnaimh maidir leis an "gClár Oibre Digiteach" agus maidir le "hAontas Nuálaíochta".

(4) Tá dúshlán struchtúracha os comhair an Aontais a eascraíonn as domhandú eacnamaíoch, as athrú na teicneolaíochta, as dul in aois an fhórsa saothair agus as an méadú atá ag teacht ar an easnamh atá ar scileanna agus ar lucht saothair in earnálacha agus i réigiúin áirithe. Tá na dúshlán níos measa de thoradh na géarchéime eacnamaíche agus airgeadais le déanaí a bhfuil leibhéal níos airde dífhostaíochta ann dá barr, go háirithe i measc an aosa óig agus i measc daoine eile atá faoi mhíbhuntáiste, amhail imircigh agus mionlaigh.

(5) Ba cheart é a bheith mar aidhm ag CSE fostaíocht a chur chun cinn, rochtain ar an margadh saothair, agus aird faoi leith á thabhairt orthu siúd is faide ón margadh saothair agus tacaíocht a thabhairt do shoghluaisteacht shaorálach lucht saothair. Ba cheart do CSE freisin tacaíocht a thabhairt don aosú gníomhach agus folláin,

lena n-áirítear trí fhoirmeacha nuálacha eagraithe oibre, trí shláinte agus sábháilteacht ag an obair a chur chun cinn agus trí infhostaitheacht a mhéadú. Agus feidhmiú níos fearr na margáí saothair á chur chun cinn aige trí bhíthin soghluaisteacht thrasnáisiúnta oibrithe a fheabhsú, ba cheart do CSE tacú, go háirithe, le Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta (gníomhaíochtaí EURES) maidir le hearcú agus na seirbhísí bainteacha faisnéise, comhairle agus treorach ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal trasteorann. Le hoiibríochtaí arna maoiniú ag CSE, ba cheart go gcomhlíonfaí Airteagal 5(2) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ena bhforáiltear nach ndéanfar iallach a chur ar aon duine saothar éignithe nó éigeantach a dhéanamh.

- (6) Ba cheart do CSE cuimsiú sóisialta a chur chun cinn freisin agus bochtaineacht a chosc agus a chomhrac d'fhonn timthriall an mhíbhuntáiste ó ghlúin go glúin a bhriseadh, rud a chiallaíonn raon beartas a shlógadh a dhéanadh ar na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste, beag beann ar a n-aois lena n-áirítear leanaí, na daoine atá fós bocht in ainneoin obair a bheith acu agus mná scothaosta. Ba cheart aird a thabhairt ar rannpháirtíocht na ndaoine sin atá ag lorg tearmainn agus dídeanaithe. Ba cheart CSE a úsáid chun rochtain a fheabhsú ar sheirbhísí inacmhainne, inbhuanaithe agus ardchaighdeán de leas gearálta, go háirithe i réimsí an chúraim sláinte, na seirbhísí fostaíochta agus oiliúna, na seirbhísí do na daoine gan dídean, seirbhísí an chúraim lasmuigh den scoil, na seirbhísí cúraim leanaí agus cúraim fhadtéarmaigh. Féadfaidh na seirbhísí a bheith á dtacú a bheith poiblí, príobháideach agus/nó pobalbhunaithe, a bheith seachadta ó chineálacha éagsúla soláthróirí eadhonriaracháin phoiblí, cuideachtaí príobháideacha, frontair shóisialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha.
- (7) Ba cheart do CSE glacadh de chúram air féin dul i ngleic le luathfhágáil na scoile agus rochtain chothrom ar oideachas de chaighdeán maith a chur chun cinn, infheistíocht a dhéanamh i ngairmoideachas agus in oiliúint, ábharthacht córas oideachais agus oiliúna don mhargadh saothair a fheabhsú, lena n-áirítear bealaí foghlama foirmiúil, neamhfoirmiúil agus bealaí foghlama nach bhfuil foirmiúil.
- (8) I dteannta na dtosaíochtaí sin, sna réigiúin agus sna Ballstáit lagfhorbartha, d'fhonn fás eacnamaíoch agus deiseanna fostaíochta a mhéadú, ba cheart éifeachtúlacht an riaracháin phoiblí ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, chomh maith le cumas riaracháin phoiblí gníomhú ar mhodh rannpháirtíoch a fheabhsú. Ba cheart cumas institiúideach na ngeallsealbhóirí a, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann beartaí fostaíochta, oideachais, oiliúna agus shóisialta i ngníomh, lena n-áirítear réimse an fhrith-idirdhealaithe, a neartú.
- (9) Leis an tacaíocht faoin tosaíocht infheistíochta "forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail" féadfar rannchuidiú leis na cuspóirí téamula go léir mar a leagtar amach sa Rialachán

seo iad. Ba cheart do straitéisí forbartha faoi stiúir an phobail arna dtacú ag CSE a bheith cuimsitheach maidir le daoine faoi mhíchumas atá i láthair ar an gcríoch, i dtéarmaí rialachas an ghrúpa áitiúil gníomhaíochta agus i dtéarmaí inneachar na straitéise.

- (10) Ag an am céanna, tá sé sár-riachtanach tacú le forbairt agus iomaíochas mhicrifhiontair, fhiontair, bheaga agus mheánmhéide an Aontais agus a áirithiú go bhféadfaidh daoine, trí bhíthin scileanna cuí agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil, iad féin a oiriúna do dhúshlán nua amháil an t-athrú chuig geilleagar bunaithe ar fhaisnéis, an clár oibre digiteach, an t-athrú go geilleagar ísealcharbóin agus go geilleagar atá níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de. Ba cheart do CSE tabhairt faoi na dúshlán seo trí bhíthin a phríomhchuspóirí téamula a chur chun cinn. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do CSE tacú le haistriú an lucht saothair ó oideachas go fostaíocht i dtreo scileanna agus post atá níos glaise, agus aghaidh a thabhairt ar easnaimh scileanna, lena n-áirítear iad siúd in earnálacha na héifeachtúlachta fuinnimh, an fhuinnimh in-athnuaite agus an iompair inbhuanaithe. Ba cheart do CSE rannchuidiú freisin le scileanna cultúrtha agus cruthaitheacha. Tá na hearnálacha soch-chultúrtha, cruthaitheacha agus cultúrtha tábhachtach in aghaidh a thabhairt go hindíreach ar aidhmeanna CSE; ba cheart a n-acmhainneacht a chomhtháthú níos fearr i dtionscadail agus i gcláreagrú CSE.
- (11) Ós léir go bhfuil riachtanas leantach ann iarracht a dhéanamh dul i ngleic le difhostaíocht an aosa óig sna réigiúin is mó atá faoina tionchar san Aontas, ba cheart Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg (TFAO) a chruthú. Leis an tionscnamh sin, ba cheart tacaíocht a thabhairt sna réigiúin sin don aos nach bhfuil fostaíche ná in oideachas ná in oiliúint (NEET), atá difhostaithe nó neamhghníomhach, lena ndaingneofar agus lena gcuirfear dlús le seachadadh gníomhaíochtaí a dtacaíonn cistiú CSE leo. Ba cheart cistí breise a shannadh go sonrach do TFAO agus ba cheart iad a bheith comhionann le cistiú ó CSE sna réigiúin is mó atá thíos leis. Trí dhíríú ar dhaoine aonair de rogha ar struchtúir, ba cheart iarracht a dhéanamh le TFAO oibríochtaí cistithe eile de chuid CSE agus gníomhaíochtaí náisiúnta atá dírithe ar dhaoine óga nach bhfuil in oideachas ná in oiliúint agus atá neamhghníomhach nó difhostaithe a chomhlánú, lena n-áirítear tríd an Ráthaíocht don Aos Óg a chur chun feidhme i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle⁽¹⁾ an 22 Aibreán 2013 maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a Bhunú, lena bhforáiltear gur gá do dhaoine óga tairiscint ar chaighdeán maith le haghaidh fostaíochta, oideachais leantaigh, printiseachta nó tréimhse oiliúna a fháil laistigh de thréimhse ceithre mhí i ndiaidh dóibh éirí difhostaithe nó an t-oideachas foirmiúil a fhágáil. Féadfaidh TFAO freisin tacaíocht a thabhairt do gníomhaíochtaí chun dul i ngleic le luathfhágáil na scoile. Níor cheart rochtain ar shochair leasa shóisialta don duine óg ná dá theaghlach nó dá chleithiúnaigh/dá teaghlach nó dá cleithiúnaigh a bheith coinníollach ar rannpháirtíocht an duine óig i TFAO.

⁽¹⁾ IO C 120 26.4.2013, lch. 1.

- (12) Ba cheart TFAO a chomhtháthú go hiomlán i gcláraeagrú CSE, ach, i gcás inarb iomchuí, ba cheart foráil a dhéanamh d'fhorálacha sonracha a bhaineann le TFAO d'fhonn a chuspóirí a bhaint amach. Is gá, go háirithe cur chun feidhme TFAO a shimpliú agus a éascú, go sonrach maidir le forálacha i dtaobh bainistiú airgeadais agus socrúithe i dtaobh díriú téamach. Chun a áirithiú go ndéanfar torthaí TFAO a thaispeáint agus a chur in iúl go soiléir, ba cheart forálacha a bheartú maidir le faireachán sonrach agus meastóireacht shonrach, chomh maith le socrúithe faisnéise agus poiblíochta. Ba cheart eagraíochtaí don ógra a bheith rannpháirteach i bpléití na goicistí faireacháin maidir le hullmhú agus cur chun feidhme, lena n-áirítear maidir le meastóireacht, TFAO.
- (13) Ba cheart do CSE rannchuidiú leis an Straitéis Eoraip 2020, lena áirithiú go ndéanfar tacaíocht CSE níos mó ar thosaíochtaí an Aontais. Déantar íosmhéid an chistithe um bheartas comhtháthaithe do CSE a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 84(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013./2013. Ba cheart do CSE, go háirithe, tacaíocht níos mó a thabhairt don chomhrac i gcoinne eisiaimh shóisialta agus bochtaineachta, trí leithdháileadh fósta imfhálaithe 20 % d'acmhainní uile CSE gach Ballstáit. Ba cheart teorainn a chur freisin ar rogha agus ar líon na dtosaíochtaí infheistíochta i gcomhair tacaíocht CSE, i gcomhréir le leibhéal forbartha na réigiún dá dtugtar tacaíocht.
- (14) Chun a áirithiú go ndéanfar faireachán níos grinne agus measúnú níos fearr ar thorthaí na ngníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais lena dtacaíonn CSE, ba cheart comhshraith táscairí aschuir agus toraidh a chur ar bun sa Rialachán seo. Ba cheart go gcomhfhreagródh táscairí den sórt sin don tosaíocht infheistíochta agus don chineál gníomhaíochta a thacaítear i gcomhréir leis an Rialachán seo chomh maith le forálacha ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013. Ba cheart na táscairí a chomhlánú i gcás inar gá sin le táscairí toraidh clár-shonracha agus/nó le táscairí aschuir clár-shonracha.
- (15) Spreagtar Ballstáit chun éifeacht infheistíochtaí CSE ar chomhionannas deiseanna, ar rochtain chomhionann agus ar lánpháirtíú na ngrúpaí imeallaithe a scrúdú agus a thuairisciú maidir leis na cláir oibríochta go léir.
- (16) Agus na ceanglais um chosaint sonraí a bhaineann le sonraí íogaire i ndáil le rannpháirtithe á gcur san áireamh, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh go rialta ar éifeachtacht, ar éifeachtúlacht agus ar thionchar thacaíocht CSE chun cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus an bhochtaineacht a chomhrac, go háirithe maidir le daoine faoi mhíchumas amhail na Romaigh. Spreagtar na Ballstáit tionscnaimh atá cistíthe ag CSE a thuairisciú ina dTuarascálacha Náisiúnta Sóisialta a ghabhann leis na Cláir Athchóirithe Náisiúnta, go háirithe maidir le pobail imeallaithe, amhail na Romaigh agus imircigh.
- (17) Braitheann cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil na ngníomhaíochtaí lena dtacaíonn CSE ar dhea-rialachas agus ar chomhpháirtíocht idir na gníomhairí críochacha agus socheacnamaíochta ar fad is ábhartha, agus iad siúd a ghníomhaíonn ar na leibhéil réigiúnacha agus áitiúla, go háirithe na scátheagraíochtaí a bhfuil ionadaíocht á déanamh acu ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, an tsochaí shibhialta eagraithe, na compháirtithe eacnamaíochta agus go háirithe comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, á gcur i gcuntas. Ba cheart, dá bhrí sin, go n-áiríteodh Ballstáit rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha i rialachas straitéiseach CSE, ó mhúnlú tosaíochtaí do chlár oibríochta go dtí torthaí CSE a chur chun feidhme agus a mheasúnú.
- (18) Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún a áirithiú go gcuirfidh cur chun feidhme na dtosaíochtaí arna maoiniú ag CSE le cur chun cinn an chomhionannais idir fir agus mná i gcomhréir le hAirteagal 8 CFAE. Léirigh meastóireachtaí a thábhachtaí atá sé na cuspóirí ghné an chomhionannais inscne a chur i gcuntas sna toisí agus sna céimeanna go léir d'ullmhú, d'fhaireachán, de chur chun feidhme agus de mheastóireacht na gclár oibríochtaí, ar bhealach tráthúil agus comhsheasmhach agus é á áirithiú go ndéanfar gníomhaíochtaí sonracha chun comhionannas inscne a chur chun cinn, neamhspleáchas eacnamaíoch na mban, oideachas uasghrádú scileanna agus ath-lánpháirtíú íospartach baineann foréigin sa mhargadh saothair agus sa tsochaí.
- (19) I gcomhréir le hAirteagal 10 CFAE, ba cheart rannchuidiú trí chur chun feidhme na dtosaíochtaí arna maoiniú ag CSE chun idirdhealú a chomhrac atá bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar threoshuíomh gnéasach trí aird ar leith a thabhairt orthu siúd a chaithfidh aghaidh a thabhairt ar idirdhealuithe iomadúla; ba cheart idirdhealú ar bhonn gnéis a léirmhíniú sa chiall leathan ionas go gcumhdófar gnéithe eile a bhaineann le hinscne i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Ba cheart go rannchuideodh cur chun feidhme na dtosaíochta arna maoiniú ag CSE le cur chun cinn comhdhiseanna. Ba cheart do CSE tacú le comhlíonadh oibleagáid an Aontais faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas maidir le hoideachas, le hobair agus le fostaíocht agus inrochtaineacht inter alia. Ba cheart do CSE an t-aistriú ó chúram institiúideach go cúram pobalbhunaithe a chur chun cinn freisin. Níor cheart do CSE tacaíocht a thabhairt d'aon gníomhaíocht a chuireann le deighilt nó le heisiaimh sóisialta.
- (20) Trí thacú leis an nuálaíocht shóisialta, rannchuidítear leis na bearta a bheith ag freagairt níos fearr don athrú sóisialta. Ba cheart go ndéanadh CSE fiontair shóisialta nuálacha agus fiontrithe chomh maith le tionscadail nuálacha a ghlac eagraíochtaí neamhrialtasacha agus gníomhaíthe eile ar láimh laistigh den gheilleagar sóisialta a spreagadh agus a thacú. Go háirithe, trí réitigh nuálacha a thriail agus a mheasúnú sula

- gcuirfear i bhfeidhm ar scála níos mó iad, cuirtear feabhas ar éifeachtúlacht na mbeartas agus ar an gcaoi sin tugtar údar le tacaíocht shonrach ó CSE. Ar choinníoll go gcruthaítear iad a bheith éifeachtach, d'fhéadfadh forbairt na méadrachta sóisialta (amhail lipéadú sóisialta, mar shampla) a bheith i measc na réiteach nuálach.
- (21) Tá breisluach suntasach ag baint le comhar trasnáisiúnta agus ba cheart do na Ballstáit uile tacú leis, dá bhrí sin, seachas i gcásanna a bhfuil bonn cirt leo, agus prionsabal na comhréireachta á chur i gcountas. Tá sé riachtanach freisin ról an Choimisiún a athneartú maidir le malartuithe taithí a éascú agus cur chun feidhme tionscnamh ábhartha a chomhordú.
- (22) D'fhonn cur chuige comhtháite agus iomlánaíoch a chothú i dtéarmaí fostaíochta agus cuimsiú sóisialta, ba cheart do CSE tacú le comhpháirtíochtaí trasearnála agus críochach-bhunaithe.
- (23) Ba cheart do na geallsealbhóirí réigiúnacha agus áitiúla a spreagadh chun gnímh chun an straitéis Eoraip 2020 agus a príomhspríocanna a chur i gcrích. Féadfar comhaontuithe críochacha, tionscnaimh áitiúla le haghaidh fostaíochta agus le haghaidh cuimsiú sóisialta, straitéisí forbartha faoi stiúir an phobail, ar straitéisí iad atá inbhuanaithe agus cuimsitheach, i gceantair uirbeacha agus tuaithe agus straitéisí forbartha inbhuanaithe uirbí a úsáid agus féadfar tacú leo ionas go mbeidh páirt níos gníomhaí ag údarais réigiúnacha agus áitiúla, cathracha, agus eagraíochtaí neamhrialtasacha le linn na clár oibríochtúla a ullmhú agus a chur chun feidhme.
- (24) Foráiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 go ndéanfar rialacha maidir le hincháilitheacht chaiteachais a bhunú ar an leibhéal náisiúnta, maille le heisceachtaí áirithe ar gá forálacha sonracha a leagan síos ina leith i ndáil le CSE.
- (25) D'fhonn úsáid CSE a shimpliú agus an riosca earráide a laghdú, agus maidir le sainiúlachtaí na n-oibríochtaí lena dtacaíonn CSE, is iomchuí forálacha a leagan síos lena gcomhlánaítear Rialachán (AE) Uimh 1303/2013 maidir le hincháilitheacht caiteachais
- (26) Ba cheart, mar thoradh ar úsáid, scálaí caighdeánacha de chostais aonaid, cnapshuimeanna agus maoiniú ar ráta comhréidh, go mbeadh simpliú ann don tairbhí agus go n-ísleofaí ualach riaracháin chomhpháirtithe tionscadail uile CSE.
- (27) Tá sé tábhachtach bainistiú fóna airgeadais gach clár oibríochta a áirithiú agus é a chur chun feidhme sa bhealach is éifeachtaí agus oiriúnaí is féidir don úsáideoir. Ba cheart do na Ballstáit staonadh ó rialacha a chur isteach a dhéanfaidh úsáid na geistí níos casta don tairbhí.
- (28) Ba cheart na Ballstáit agus na réigiúin a spreagadh chun CSE a ghíaráil trí bhithin ionstraimí airgeadais chun tacú, mar shampla, le mic léinn, cruthú post, soghluaisteacht oibrithe, cuimsiú sóisialta agus fiontraíocht shóisialta.
- (29) Ba cheart le CSE go gcomhlánófaí clár eile Aontais agus ba cheart go ndéanfaí dlúthsheineirgíochtaí a fhorbairt idir CSE agus ionstraimí eile airgeadais de chuid an Aontais.
- (30) Is í an infheistíocht i gcaipiteal daonna an príomhluamhán ar féidir leis an Aontas brath air chun a iomaíochas idirnáisiúnta agus téarnamh inbhuanaithe a gheilleagair a áirithiú. Ní féidir le haon chineál infheistíochta athchóirithe struchtúracha a sholáthar mura bhfuil straitéis chomhtháite maidir le caipiteal daonna a fhorbairt atá dírithe ar fhás ag gabháil leis. Is gá, dá bhrí sin, a áirithiú go gceadaítear, sa chlárthréimhse 2014-2020 maidir leis na hacmhainní atá beartaithe chun scileanna a fheabhsú agus leibhéal fostaíochta a ardú, gníomhaíocht a dhéanamh ar scála leordhóthanach.
- (31) Ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE chun sainiú scálaí caighdeánacha a bhunú i gcomhair costas aonaid agus cnapshuimeanna agus a n-uasmhéideanna de réir cineálacha éagsúla oibríochtaí. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúchán iomchuí le linn a oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear comhairliúchán le saineoilaithe. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar doiciméid ábhartha a tharchur go comhuineach, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.
- (32) Ba cheart go mbeadh an Coiste dá bhforáiltear in Airteagal 163 CFAE de chúnamh ag an gCoimisiún ina chúraimí.
- (33) Ós rud é go guirtear an Rialachán seo in ionad Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾. Ba cheart an Rialachán sin a aisghairm dá bhrí sin. Mar sin féin, níor cheart go mbeadh tionchar ag an Rialachán seo ar an gcúnamh arna fhorhmeas ag an gCoimisiún a mhodhnú ná leanúint leis ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 nó aon reachtaíocht eile a bhfuil feidhm aici maidir leis an gcúnamh sin an 31 Nollaig 2013. Ba cheart don Rialachán sin nó do reachtaíocht infheidhme eile leanúint d'feidhm a bheith acu dá bhrí sin maidir leis an gcúnamh sin nó na hoibríochtaí lena mbaineann tar éis an 31 Nollaig go dtí go ndúnfar iad. Ba cheart d'iarraiteas ar chúnamh a fháil a rinneadh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 a bheith fós bailí.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1081/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1784/1999 (IO L 210, 31.7.2006, lch. 12).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Bunaítear leis an Rialachán seo misin an Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE, lena n-áirítear an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg (TFAO), raon feidhme a thacaíochta, forálacha sonracha agus na cineálacha caiteachais atá incháilithe le haghaidh cúnamh.

Airteagal 2

Misin

1. Déanfaidh CSE ardleibhéal fostaíochta agus cáilíochta post a chur chun cinn, rochtain ar an margadh saothair a fheabhsú, tacóidh sé le soghluaisteacht ghairme agus gheografach oibrithe agus éascóidh sé d'oibrithe iad féin a oiriúnú d'athrú tionscail agus d'athruithe sa chóras táirgthe is gá d'fhorbairtí inbhuanaithe, spreagfaidh sé ardleibhéal oideachais agus oiliúna do chách agus tacóidh sé leis an aistriú idir oideachas agus fostaíocht do dhaoine óga, comhraicfidh sé an bhochtaineacht, feabhsóidh sé cuimsiú sóisialta, agus cuirfidh sé comhionannas inscne, neamh-idirdhealú agus comhdheiseanna chun cinn agus ar an dóigh sin cuirfidh sé le tosaíochtaí an Aontais maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú.

2. Déanfaidh CSE a mhisin a leagtar a amach i mír 1 a chomhlánú trí chúnamh a thabhairt do Bhallstáit agus tosaíochtaí agus príomhspricanna na Straitéise Eoraip 2020 á gcur chun feidhme acu agus trí cheadú do Bhallstáit dul i ngleic lena ndúshain shonracha maidir le cuspóirí na Straitéise Eoraip 2020. Tacóidh CSE le ceapadh agus cur chun feidhme beartas agus gníomhaíochtaí i dtaca lena mhisin, agus na Treoirínte Comhtháite ábhartha de chuid Eoraip 2020 á gcur san áireamh agus na moltaí tír-shonracha ábhartha arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 121(2) agus leis na moltaí ábhartha ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 148(4) CFAE agus i gcás inarb iomchuí ar an leibhéal náisiúnta, na gclár athchóirithe náisiúnta mar aon le straitéisí agus tuarascálacha eile ábhartha náisiúnta.

3. Rachaidh CSE chun tairbhe daoine, lena n-áirítear daoine faoi mhíbhuntáiste, amhail daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, daoine faoi mhíchumas, imircigh, mionlaigh eitneacha, agus daoine ag gach aois atá bocht agus faoi eisiámh sóisialta. Cuirfidh CSE tacaíocht ar fáil d'fhiontair oibrithe, lena n-áirítear gníomhaithe sa gheilleagar sóisialta agus fiontraíthe, agus do chórais agus do struchtúir d'fhonn cuidiú leo iad féin a oiriúnú do dhúshlán nua lena n-áirítear mí-oiriúnuithe scileanna a laghdú agus d'fhonn dea-rialachas, dul chun cinn sóisialta agus cur chun feidhme athchóirithe a chur chun cinn, go háirithe i réimsí na fostaíochta, an oideachais, na hoiliúna agus na mbeartas sóisialta.

Airteagal 3

Raon feidhme na tacaíochta

1. Faoi na cuspóirí téamúla a leagtar amach i bpointí (8), (9), (10) agus (11) den chéad fhómhír d'Airteagal 9 de Rialachán

(AE) Uimh. 1303/2013, a chomhfreagraíonn le pointí (a), (b), (c) agus (d) den mhír seo, agus i gcomhréir lena mhisin, tacóidh CSE leis na tosaíochtaí infheistíochta seo a leanas:

(a) Maidir leis an gcuspóir téamúil fostaíocht atá inbhuanaithe agus ar ardchaighdeán a chur chun cinn agus soghluaisteacht lucht saothair a thacú:

(i) trí rochtain ag cuardaitheoirí poist agus daoine neamhghníomhacha ar fhostaíocht, lena n-áirítear daoine dífhostaithe go fadtéarmach agus daoine atá i bhfad ón margadh saothair, chomh maith le trí thionscnaimh áitiúla fostaíochta agus tacaíocht do shoghluaisteacht lucht saothair.

(ii) Trí dhaoine óga go háirithe iad siúd nach bhfuil fostaíthe ná in oideachas ná in oiliúint a chomhtháthú ar bhealach inbhuanaithe sa mhargadh saothair, lena n-áirítear daoine óga atá i mbaol an eisiámh shóisialta agus daoine óga ó phobail imeallaithe, lena n-áirítear tríd an Ráthaíocht don Aos Óg a chur chun feidhme.

(iii) trí féinfhostaíocht, fhiontraíocht agus ghnóthais a chruthú lena n-áirítear mhicrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide nuálacha.

(iv) Trí chomhionannas idir fir agus mná i ngach réimse, lena n-áirítear rochtain ar fhostaíocht agus dul chun cinn gairme, réiteach idir saol na hoibre agus an saol príobháideach agus comhphá ar obair comhluacha;

(v) Oibrithe, fiontair agus fiontraíthe a oiriúnú d'athrú;

(vi) Aosú gníomhach agus sláintiúil;

(vii) Nua-aoisiú institiúidí an mhargaidh saothair, amhail seirbhísí fostaíochta poiblí agus príobháideacha, agus comhoiriúnú a fheabhsú maidir le riachtanais an mhargaidh saothair lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí a fheabhsóidh soghluaisteacht thrasnáisiúnta chomh maith le trí scéimeanna soghluaisteachta agus comhar níos fearr idir na hinstitiúidí agus na geallsealbhóirí ábhartha.

(b) Don chuspóir téamach 'cuimsiú sóisialta' a chur chun cinn, bochtaineacht agus idirdhealú a chomhrac' trí na nithe seo a leanas:

(i) Cuimsiú gníomhach lena n-áirítear d'fhonn comhdheiseanna agus rannpháirtíocht ghníomhach a chur chun cinn agus infhostaitheacht a fheabhsú;

- (ii) Comhtháthú socheacnamaíoch pobal imeallaithe amhail na Romaigh;
- (iii) Gach cineál idirdhealaithe a chomhrac agus comhdheiseanna a chur chun cinn;
- (iv) Rochtain ar sheirbhísí inacmhainne, inbhuanaithe agus ardcháilíochta, lena n-áirítear cúram sláinte agus seirbhísí sóisialta de leas ginearálta a fheabhsú;
- (v) Fiontraíocht shóisialta agus lánpháirtíú gairmiúil i bhfiontair shóisialta agus an geilleagar sóisialta agus dlúthpháirtíochta a chur chun cinn chun rochtain ar an bhfostaíocht a éascú;
- (vi) Straitéisí forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail;
- (c) Maidir leis an gcuspóir téamach, 'infheistiú san oideachas, san oiliúint agus sa ghairmoiliúint le haghaidh scileanna agus foghlaim ar feadh an tsaoil' tríd an méid seo a leanas:
- (i) Líon na bpáistí a fhágann an scoil go luath a laghdú agus a chosc agus rochtain chothrom ar oideachas luath-óige, ar bhunoideachas agus ar mheánoideachas de dhea-cháilíocht a chur chun cinn lena n-áirítear foirmeálta, neamhfhoirmeálta agus neamhfhoirmiúil-conairí foghlama chun páirt a athghlacadh san oideachas agus san oiliúint;
- (ii) Caighdeán, éifeachtúlacht agus rochtain ar oideachais tríú leibhéal agus a choibhéise a fheabhsú d'fhonn rannpháirtíocht agus gnóthachtáil a mhéadú go háirithe do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste;
- (iii) Trí rochtain chothrom ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil do gach grúpa i suíomhanna foirmeálta, neamhfhoirmeálta agus neamhfhoirmiúil, trí fhaisnéis, scileanna agus inniúlachtaí an luchta saothair a uasghrádú agus conairí solúbtha foghlama a chur chun cinn lena n-áirítear trí ghairmthreoir agus bailíochtú inniúlachtaí faighte;
- (iv) Ábharthacht na gcóras oideachais agus oiliúna maidir le margadh an tsaothair a fheabhsú, aistriú ó oideachas go hobair a éascú, agus córais gairmoideachais agus gairmoiliúna agus a gcaighdeán a neartú, lena n-áirítear trí shásraí d'oirchill scileanna, oiriúnú curaclaim agus bunú agus forbairt na gcóras foghlama bunaithe ar obair, lena n-áirítear déchórais foghlama agus scéimeanna printíseachta;
- (d) Maidir leis an gcuspóir téamach 'cumas institiúideach agus riarachán údarás poiblí agus geallsealbhóirí agus riarachán éifeachtúil poiblí' tríd an méid seo a leanas:
- (i) Infheistiúocht a dhéanamh i gcumas institiúideach agus i n-éifeachtúlacht riarachán poiblí agus seirbhísí poiblí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil ar mhaithe le hathchóirithe, rialachán níos fearr agus dea-rialachas;
- Níl an tosaíocht infheistiúochta seo infheidhme ach amháin i mBallstáit atá incháilithe le haghaidh tacaíochta ón gCiste Comhtháthaithe nó i mBallstáit a bhfuil réigiún NUTS leibhéal 2 amháin nó níos mó acu amhail a shainítear in Airteagal 90(2)(a) de Rialachán AE Uimh. 1303/2013.
- (ii) Forbairt cumais do na geallsealbhóirí uile atá ag cur oideachais, foghlama ar feadh an tsaoil, oiliúna agus fostaíochta, agus beartas sóisialta i ngníomh lena n-áirítear trí chomhaontuithe earnála agus críche chun gníomh a spreagadh ar son athchóiriú ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.
2. Trí na tosaíochtaí infheistiúochta a liostaítear i mír 1, rannchuideoidh CSE leis na cuspóirí téamúla eile a liostaítear sa chéad mhír d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, tríd an méid seo a leanas go príomha:
- (a) Tacú leis an athrú go geilleagar ísealcharbóin, atá láidir ó thaobh na haeráide de, éifeachtúil ó thaobh acmhainní de agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, trí chórais oideachais agus oiliúna a fheabhsú is gá chun scileanna agus cáilíochtaí a oiriúnú, breisoiliúint a thabhairt don fhórsa saothair agus poist nua a chruthú in earnálacha a bhaineann leis an gcomhshaoil agus le fuinneamh;
- (b) Rochtain, úsáid agus cáilíocht teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a fheabhsú, trí litearthacht dhigiteach agus ríomhfhoghlaim a fhorbairt, agus trí infheistiúocht i ríomhchoimisiú, i ríomhscileanna agus i scileanna fiontraíochta gaolmhara;
- (c) Taighde, forbairt theicneolaíoch agus nuálaíochta a neartú, trí staidéir iarchéime agus scileanna fiontraíochta a fhorbairt, trí oiliúint a chur ar thaighdeoirí, trí ghníomhaíochtaí líonraithe agus comhpháirtíochtaí idir institiúidí ardoideachais, lárionaid taighde agus teicneolaíochta agus fiontair;
- (d) Iomaíochas agus inbhuanaitheacht fhadtéarma fiontar beag agus meánmhéide a fheabhsú, trí inoiriúnaitheacht fiontar, bainisteoirí agus oibríthe a chur chun cinn agus trí infheistiú méadaithe i gcaipiteal daonna agus i dtacaíocht do chomhlachtaí a sholáthraíonn cleachtas atá dírithe ar ghairmoideachas nó ar ghairmoiliúint.

*Airteagal 4***Comhsheasmhacht agus díriú téamach**

1. Áiritheoidh Ballstáit go mbeidh an straitéis agus na gníomhaíochtaí arna leagan amach sna Cláir Oibríochta comhsheasmhach leis, agus freagrach do, na dúshláin a shainithnítear ina gcláir athchóirithe náisiúnta, chomh maith, i gcás inarb iomchuí, lena straitéisí náisiúnta eile a bhfuil sé mar aidhm acu troid i gcoinne dífhostaíochta, bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta agus sna moltaí ábhartha ón gComhairle arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 148(4) CFAE, chun cur le baint amach phríomhspríocanna na straitéise Eoraip 2020 maidir le fostaíocht, le hoideachas agus le laghdú na bochtaineachta.

2. Déanfar 20 % ar laghad d'acmhainní iomlána CSE i ngach Ballstát a leithdháileadh ar an gcuspóir téamúil "cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, bochtaineacht agus aon idirdhealú a chomhrac" a leagtar amach i bpointe 9 den chéad fhomhír d'Airteagal 9de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

3. Cuirfidh Ballstáit díriú téamúil i bhfeidhm de réir na rialacha mionsonraithe seo a leanas:

(a) I gcás na réigiún atá níos forbartha, díreoidh Ballstáit 80 % ar a laghad de leithdháileadh CSE i gcomhair gach cláir oibríochta ar suas le cúig cinn de na tosaíochtaí infheistíochta a leagtar amach in Airteagal 3(1).

(b) I gcás réigiún atá ag athrú, díreoidh Ballstáit 70 % ar a laghad de leithdháileadh CSE i gcomhair gach cláir oibríochta ar suas le cúig cinn de na tosaíochtaí infheistíochta a leagtar amach in Airteagal 3(1).

(c) I gcás na réigiún lagfhorbartha, díreoidh Ballstáit 60 % ar a laghad de leithdháileadh CSE i gcomhair gach cláir oibríochta ar suas le cúig cinn de na tosaíochtaí infheistíochta a leagtar amach in Airteagal 3(1).

4. Déanfar na haiseanna tosaíochta dá dtagraítear in Airteagal 11(1) a eisiaimh ó ríomh na gcéatadán a shonraítear i mír 2 agus mír 3 den Airteagal seo.

*Airteagal 5***Táscairí**

1. Bainfear úsáid as comhtháscairí aschuir agus táirgeachta amháil a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus, i gcás inarb iomchuí, as táscairí atá sonrach do na cláir i gcomhréir le hAirteagal 27(4) agus le hAirteagal 96(2)(b)(ii) agus (iv) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013. Déanfar na comhtháscairí aschuir agus toraidh uile a thuairisciú do na Tosaíochtaí Infheistíochta uile. Déanfar na táscairí toraidh a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a thuairisciú i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo. Aon uair is infheidhme, déanfar sonraí a mhiondealú de réir inscne.

Maidir le táscairí coiteanna agus táscairí aschuir clár-shonracha, socrófar na bonnlínte ag nialas. I gcás inarb ábhartha maidir le cineál na n-oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht, déanfar spriocluachanna cainníochtaithe carnacha a shocrú do na táscairí sin le haghaidh 2023. Déanfar na táscairí aschuir a shloinneadh mar dhearbhuimhreacha.

Maidir leis na comhtháscairí toraidh agus na táscairí toraidh sin atá sonrach do na cláir a bhfuil spriocluach carnach cainníochtaithe 2023 curtha ar bun, déanfar bonnlínte a shocrú ag baint úsáid as na sonraí is déanaí atá ar fáil nó foinsí oiriúnacha faisnéise eile. Féadfar táscairí toraidh clár-shonracha agus spriocanna gaolmhara a chur in iúl i dtéarmaí cainníochtúla nó cáilíochtúla.

2. I dteannta mhír 1, déanfar táscairí toraidh a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a úsáid sna hoibríochtaí uile lena dtacaítear faoin tosaíocht infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(a)(ii) chun TFAO a chur chun feidhme. Beidh spriocluach cainníochtaithe carnach do 2023 agus bonnlíne nasctha le gach táscaire a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Ag an am céanna leis na tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme, tarchuirfidh gach údarás bainistíochta sonraí leictreonacha maidir le gach tosaíocht infheistíochta. Cuirfear na sonraí isteach do na catagóirí idirghabhála dá dtagraítear in Airteagal 96(2)(b)(vi) de Rialachán (AE) Uimh 1303/2013 agus na táscairí aschuir agus na táscairí toraidh. De mhaolú ar Airteagal 50(2) de Rialachán (AE) Uimh 1303/2013, baineann sonraí a tharchuirfear do tháscairí aschuir agus toraidh le luachanna d'oibríochtaí arna gcur i bhfeidhm go páirteach nó go hiomlán.

CAIBIDIL II

FORÁLACHA SONRACHA LE HAGHAIDH CLÁRÚCHÁIN AGUS CUR CHUN FEIDHME*Airteagal 6***Rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe**

1. Féadfaidh rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 i gcur chun feidhme na gclár oibríochtúil, a bheith i bhfoirm deontas foriomlán mar a shainítear in Airteagal 123(7) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013. I gcás den sórt sin, aithneofar sa chlár oibríochta an chuid sin den chlár lena mbaineann an deontas foriomlán, lena n-áirítear leithdháileadh tásach airgeadais chuige ó gach ais tosaíochta.

2. Chun rannpháirtíocht leordhóthanach na gcomhpháirtithe sóisialta i ngníomhaíochtaí lena dtacaíonn CSE a spreagadh, déanfaidh na húdaráis bhainistíochta i réigiún a shainítear in Airteagal 90(2)(a) nó (b) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 nó i mBallstáit atá incháilithe le haghaidh tacaíochta ón gCiste Comhtháthaithe, a áirithiú, de réir riachtanas, go leithdháilfear méid iomchuí acmhainní CSE ar ghníomhaíochtaí forbartha cumais, i bhfoirm oiliúna, beart líonraithe, agus tríd an gcomhphlé sóisialta a neartú agus ar ghníomhaíochtaí arna ndéanamh go comhpháirteach ag na comhpháirtithe sóisialta.

3. Chun rannpháirtíocht leordhóthanach eagraíochtaí neamhrialtasacha a spreagadh i ngníomhaíochtaí arna dtacú ag CSE, agus rochtain leordhóthanach ag eagraíochtaí neamhrialtasacha orthu freisin, go háirithe i réimsí an chuimsithe shóisialta, an chomhionannais inscne agus na gcomhdhiseanna, déanfaidh údarás bhainistíochta cláir oibríochta i réigiún mar a shainítear in Airteagal 90(2)(a) nó (b) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 nó i mBallstáit atá incháilithe le haghaidh tacaíochta ón gCiste Comhtháthaithe, a áirithiú go leithdháilfear suim iomchuí acmhainní CSE ar fhorbairt cumais i gcomhair eagraíochtaí neamhrialtasacha.

Airteagal 7

Comhionannas idir fir agus mná a chur chun cinn

Spreagfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún comhionannas idir fir agus mná trí bhíthin príomhshruthú de réir mar a thagraítear dó in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 trí na cláir oibríochta a ullmhú, a chur chun feidhme, maidir le faireachán a dhéanamh orthu, tuairisciú a dhéanamh agus iad a mheasúnú. Trí CSE, tacóidh na Ballstáit agus an Coimisiún freisin le gníomhaíochtaí sonracha spriocdhírthe laistigh d'aon cheann de na tosaíochtaí infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal 3, agus go áirithe Airteagal 3(1)(a)(iv) den Rialachán seo, agus é mar aidhm acu rannpháirtíocht inbhuanaithe agus dul chun cinn ban i bhfostaíocht a mhéadú, dá bhri sin déantar baineanú na bochtaineachta a chomhrac, leithscaradh bunaithe ar inscne i margadh an tsaothair a laghdú agus steiréitíopaí inscne i margadh an tsaothair agus in oideachas agus in oiliúint a chomhrac agus réiteach idir saol na hoibre agus an saol príobháideach a chur chun cinn do chách chomh maith le comhroinnt na bhfreagrachtaí cúraim idir fir agus mná.

Airteagal 8

Comhdhiseanna agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn

Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún comhdhiseanna do gach duine a chur chun cinn, gan idirdhealú bunaithe ar ghnéas, bunús ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach trí phrionsabal an neamh-idirdhealaithe a phríomhshruthú, de réir mar a thagraítear dó in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013. Trí CSE, tacóidh na Ballstáit agus an Coimisiún freisin le gníomhaíochtaí sonracha laistigh d'aon cheann de na tosaíochtaí infheistíochta mar a shainítear in Airteagal 3, agus go háirithe in Airteagal 3(1)(b)(iii) den Rialachán seo. Beidh sé mar aidhm ag gníomhaíochtaí den sórt sin gach cineálleithcheala a chomhrac chomh maith le hinrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a fheabhsú, chun lánpháirtíú i bhfostaíocht, in oideachas agus in oiliúint a fheabhsú, rud a chuirfidh leis an gcuimsiú sóisialta agus éagothroime i dtéarmaí gnóthachtála oideachais agus stádas sláinte a laghdú agus an t-aistriú ó sheirbhísí institiúideacha go seirbhísí pobal-bhunaithe a éascú, go háirithe dóibh siúd a thugann aghaidh ar il-idirdhealú.

Airteagal 9

An nuáil shóisialta

1. Cuirfidh CSE nuálaíocht shóisialta chun cinn i ngach réimse a thig faoina raon feidhme, mar a shainítear in Airteagal 3 den Rialachán seo, go háirithe agus é mar aidhm aige réitigh nuálacha a thriail, a mheasúnú agus a mhéadú, lena n-áirítear ar leibhéal áitiúil nó réigiúnach, chun dul i ngleic le

riachtanais shóisialta, i gcomhpháirtíocht leis na comhpháirtithe ábhartha agus, go háirithe na comhpháirtithe sóisialta.

2. Déanfaidh Ballstáit a shainathint, ina gcláir oibríochta nó ag céim níos déanaí le linn an chur chun feidhme, réimsí le haghaidh nuálaíochta sóisialta, ar réimsí iad a chomhfhreagróidh do riachtanais shonracha na mBallstát.

3. Déanfaidh an Coimisiún forbairt cumais le haghaidh nuálaíochta sóisialta a éascú, go háirithe trí thacú le foghlaim fhrithpháirteach, le bunú líonraí agus le scaipeadh agus le cur chun cinn dea-chleachtas agus modheolaíochtaí.

Airteagal 10

Comhar trasnáisiúnta

1. Tacóidh Ballstáit le comhar trasnáisiúnta agus é mar aidhm acu foghlaim fhrithpháirteach a chur chun cinn agus sa dóigh sin éifeachtacht na mbeartas lena dtacaíonn CSE a mhéadú. Beidh comhpháirtithe ó dhá Bhallstát ar a laghad páirteach i gcomhar trasnáisiúnta.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na Ballstáit le clár oibríochtaí amháin a fhaigheann tacaíocht ó CSE nó clár oibríochtaí ilchiste amháin a roghnú go heisceachtúil gan tacú le gníomhaíochtaí comhoibrithe trasnáisiúnta, i gcásanna cuí-réasúnaithe agus prionsabal na comhréireachta á chur san áireamh.

3. Féadfaidh na Ballstáit, i gcomhpháirtíocht leis na comhpháirtithe iomchuí, téamaí le haghaidh comhair thrasnáisiúnta a roghnú ó liosta de chomh-mholtaí arna mholadh ag an gCoimisiún agus arna fhormhuiniú ag an gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 25 nó téamaí eile a fhreagraíonn dá riachtanais shonracha a roghnú.

4. Déanfaidh an Coimisiún comhar trasnáisiúnta a éascú maidir leis na comhthéamaí an liosta dá dtagraítear i mír 3 agus i gcás inarb iomchuí téamaí eile a roghnóidh na Ballstáit trí fhoghlaim fhrithpháirteach nó trí ghníomhaíocht chomhordaithe nó chomhpháirteach. Déanfaidh an Coimisiún, go háirithe, ardán ar leibhéal an AE a fheidhmiú chun comhpháirtíochtaí trasnáisiúnta a chur ar bun, malartú taithí, forbairt cumais agus líonrú a éascú, chomh maith le caipitliú ar na torthaí ábhartha agus iad a scaipeadh. Ina theannta sin, déanfaidh an Coimisiún creat chur chun feidhme comhordaithe a fhorbairt, lena n-áirítear comhchritéir incháilitheachta, cineálacha gníomhaíochtaí agus a n-amchlár, agus cur chuige coiteann modheolaíochta chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh, d'fhonn comhar trasnáisiúnta a éascú.

Airteagal 11

Forálacha atá sonracha do chistí maidir le cláir oibríochta

1. De mhaolú ar Airteagal 96(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, féadfaidh cláir oibríochta aiseanna tosaíochta a leagan amach i gcomhair cur chun feidhme na nuálaíochta sóisialta agus comhair thrasnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 9 agus in Airteagal 10 den Rialachán seo.

2. De mhaolú ar Airteagal 120(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, déanfar an ráta cómhaoinithe i gcomhair aise tosaíochta a mhéadú faoi 10 bpointe céadadán, ach ní rachaidh sé thar 100 %, áit a ndírítear an ais tosaíochta iomlán ar nuálaíocht shóisialta nó ar chomhar trasnáisiúnta, nó ar mheascán den dá rud.

3. I dteannta na forála a dhéantar in Airteagal 96(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, leagfar amach freisin i gclár oibríochta an rannchuidiú a thabharfaidh gníomhaíochtaí atá pleanáilte agus lena dtacaíonn CSE:

- (a) do na cuspóirí téamúla atá liostaithe faoi phointí (1) go (7) den chéad mhír d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 de réir aise tosaíochta, de réir mar is iomchuí;
- (b) do nuálaíocht shóisialta agus do chomhar trasnáisiúnta, dá dtagraítear in Airteagal 9 agus in Airteagal 10 den Rialachán seo, i gcás nach bhfuil siad cumhdaithe faoi ais tosaíochta tiomanta.

Airteagal 12

Forálacha sonracha maidir le gnéithe críche ar leith a láimhseáil

1. Féadfaidh CSE tacú le straitéisí forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail i gceantair uirbeacha agus tuaithe, dá dtagraítear in Airteagal 32, Airteagal 33 agus 34 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, le comhaontuithe críche agus le tionscnaimh áitiúla le haghaidh fostaíochta, lena n-áirítear fostaíocht don aos óg, oideachais agus cuimsithe shóisialta, maille le hlonstraim chríche comhtháite (ICC) dá dtagraítear in ex-Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

2. Mar chomhlánú idirghabhálacha Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, féadfaidh CSE tacú le forbairt inbhuanaithe uirbeach trí straitéisí lena leagtar amach gníomhaíochtaí comhtháite chun dul i ngleic le dúshláin eacnamaíochta, chomhshaoil agus shóisialta a dhéanann difear do na limistéir uirbeacha a shaináithin na Ballstáit ar bhonn na bpionsabal a shainítear ina comhaontuithe comhpháirtíochta faoi seach.

CAIBIDIL III

FORÁLACHA SONRACHA MAIDIR LE BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS

Airteagal 13

Incháilitheacht an chaiteachais

1. Tabharfaidh CSE tacaíocht le haghaidh caiteachais incháilithe, lena bhféadfar a áireamh, dá dtagraítear in Airteagal 120(2)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, aon acmhainní airgeadais arna dtabhairt ag fostaithe agus oibríthe.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 (Féach leathanach 289 den Iris Oifigiúil seo).

2. Féadfaidh CSE tacaíocht a thabhairt le haghaidh caiteachais arna thabú i gcomhair oibríochtaí arna ndéanamh lasmuigh de limistéar an chláir, ach laistigh den Aontas, ar chuntar go gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

- (a) gur chun leasa limistéar an chláir an oibríocht;
- (b) go bhfuil oibleagáidí údarais an chláir oibríochtúla i ndáil le bainistíocht, rialú agus iniúchadh i dtaobh na hoibríochta arna gcomhlíonadh ag na húdarais atá freagrach as an gclár oibríochtúla faoina dtacaítear leis an oibríocht sin nó go bhfuil comhaontuithe déanta acu le húdarais sna Ballstáit ina bhfuil an oibríocht á cur chun feidhme ar choinníoll go gcomhlíontar na hoibleagáidí i ndáil le bainistíocht, rialú agus iniúchadh i dtaobh na hoibríochta sa Bhallstát sin.

3. Suas go dtí teorainn 3 % de bhuiséad chlár oibríochtúil CSE nó cuid CSE de chlár ilchiste oibríochtúil, beidh caiteachas arna thabú lasmuigh den Aontas incháilithe le haghaidh rannchuidiú ó CSE ar choinníoll go mbaineann sé leis na cuspóirí téamacha faoi Airteagal 3(1)(a) nó le hAirteagal 3(1)(c) agus ar choinníoll gur thug an coiste faireacháin ábhartha a chomhaontú le hoibriú nó cineálacha oibríochtaí lena mbaineann.

4. Sa bhreis ar an gcaiteachas dá dtagraítear in Airteagal 69(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, ní bheidh ceannach bonneagair, talaimh ná eastáit réadaigh incháilithe le haghaidh rannchuidiú ó CSE.

5. Ranníocaíochtaí comhchineáil i bhfoirm liúntas nó tuarastal arna n-íoc ag tríú páirtí chun leasa rannpháirtithe oibríochta, féadfaidh siad a bheith incháilithe le haghaidh rannchuidiú ó CSE ar choinníoll go dtabhaítear na ranníocaíochtaí comhchineáil i gcomhréir le rialacha náisiúnta lena n-áirítear rialacha cuntasíochta, agus nach sáraíonn siad an costas a bhí ar an tríú páirtí.

Airteagal 14

Roghanna simplithe costais

1. De bhreis ar na roghanna dá dtagraítear in Airteagal 67 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, féadfaidh an Coimisiún caiteachas arna íoc ag Ballstáit a aisíoc ar bhonn scálaí caighdeánacha costas aonaid agus cnapshuimeanna arna sainiú ag an gCoimisiún. Measfar i leith na suimeanna arna ríomh ar an mbonn sin gur tacaíocht phoiblí arna híoc leis na tairbhíthe iad agus gur caiteachas incháilithe chun críche Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a chur i bhfeidhm iad.

Chun críche na chéad fhomhíre, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24 i ndáil leis na cineálacha oibríochtaí atá cumhdaithe, le sainiú na scálaí caighdeánacha costas aonaid agus cnapshuimeanna agus a n-uasmhéideanna, sainiú is féidir a choigeartú de réir na modhanna comhaontaithe is infheidhme agus taithí a fuarthas le linn na tréimhse cláregraithe roimhe seo á chur i gcuntas go cuí.

Beidh sé d'aidhm eisiach ag iniúchadh airgeadais a fhíorú go bhfuil na coinníollacha faoina ndéanfaidh an Coimisiún aiséadaíochtaí ar bhonn scálaí caighdeánacha costas aonaid agus cnapshuimeanna, arna gcomhlíonadh.

I gcás ina n-úsáidfeadh maoiniú ar bhonn scálaí caighdeánacha agus cnapshuimeanna i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, féadfaidh an Ballstát a chleachtais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm ar oibríochtaí tacaíochta. Chun críche an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, ní bheidh cleachtais chuntasaíochta den sórt sin ná na suimeanna a thig astu faoi réir iniúchadh ag an údarás iniúchóireachta ná ag an gCoimisiún.

2. I gcomhréir le hAirteagal 67(1)(d) agus (5)(d) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, féadfar ráta comhréidh de suas le 40 % de na costais foirne díreacha incháilithe a úsáid chun na costais eile incháilithe a bhaineann le hoibríochta a chumhdach gan ceanglas a chur ar an mBallstát ríomh ar bith a dhéanamh chun an ráta is infheidhme a shocrú.

3. Le cois na modhanna a shonraítear in Airteagal 67(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, i gcás nach rachaidh an tacaíocht phoiblí do dheontais agus do chúnamh inaisíochta thar EUR 100 000, féadfar na suimeanna dá dtagraítear in Airteagal 67(1)(b), (c) agus (d) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a shuíomh cás ar chás trí thagairt don dréachtbhuiséad arna chomhaontú ex-ante ag an údarás bainistíochta.

4. Gan dochar d'Airteagal 67(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, deontais nach sáróidh an tacaíocht phoiblí ina leith EUR 50 000, déanfar iad i bhfoirm cnapshuimeanna nó scálaí caighdeánacha costas aonaid nó cnapshuimeanna i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo nó le hAirteagal 67 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 nó rátaí comhréidhe i gcomhréir le hAirteagal 67 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, ach amháin i gcás oibríochtaí a bhfuil tacaíocht á fáil acu faoi chuimsiú scéime cabhrach stáit. I gcás ina n-úsáidfeadh maoiniú ar ráta comhréidh, déanfar na catagóirí costais, a úsáidtear chun an ráta a ríomh, a aisíoc i gcomhréir le hAirteagal 67(1) (a) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

Airteagal 15

Ionstraimí airgeadais

De bhun Airteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, féadfaidh CSE tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a thig faoina raon feidhme trí ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear micreachreidmheasanna agus cistí ráthaíochta.

CAIBIDIL IV

AN TIONSCNAMH UM FHOSTAÍOCHT DON AOS ÓG

Airteagal 16

An Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg

Le TFAO, tabharfar tacaíocht don chomhrac i gcoinne dhífhostaíochta an aosa óig i réigiúin incháilithe an Aontais, trí bhíthin

tacaíochta do bhearta faoi Airteagal 3(1)(a)(ii) den Rialachán seo. Beidh sé dírithe ar gach duine óg faoi 25 bliana d'aois nach bhfuil fostaithe ná in oideachas ná in oiliúint, atá neamhghníomhach nó dífhostaithe (iad siúd atá dífhostaithe go fadtéarmach san áireamh), bíodh siad cláraithe mar dhaoine atá ag lorg oibre nó ná bíodh. Ar bhonn deonach féadfaidh Ballstáit a chinneadh an spriocghrúpa a shíneadh chun daoine óga faoi 30 bliain d'aois a áireamh.

Chun críche TFAO do 2014-2015, is iad "réigiúin incháilithe" na réigiúin leibhéal NUTS 2 sin a bhfuil rátaí dífhostaíochta óige acu do dhaoine óga ó 15 bliana go 24 bliain níos mó ná 25 % in 2012 agus, i gcás Bhallstáit inar mhéadaigh ráta dífhostaíochta an aosa óig níos mó ná 30 % in 2012, réigiúin leibhéal NUTS 2 ag a bhfuil rátaí dífhostaíochta óige níos mó ná 20 % in 2012.

Féadfar na hacmhainní i gcomhair TFAO a ardú do na blianta 2016 go 2020 i gcreat an nós imeachta bhuiséadaigh i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1311/2013. Chun na réigiúin a chinneadh atá incháilithe do TFAO don tréimhse 2016-2020, déanfar an tagairt do 2012 sonraí sa dara fómhír a fhorléiriú mar thagairt do na sonraí bliantúla is déanaí atá ar fáil. Leanfaidh an miondealú de réir Ballstáit de na hacmhainní breise na céimeanna céanna leis an leithdháileadh sonracha tosaigh i gcomhréir le hIarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

Féadfaidh Ballstáit, i gcomhaontú leis an gCoimisiún, cinneadh a dhéanamh méid teoranta nach mó ná 10 % de na cistí faoi TFAO a leithdháileadh ar dhaoine óga atá ina gcónaí a bhforéigiúin ina bhfuil ardleibhéal dífhostaíochta i measc an aosa óig agus atá lasmuigh de na réigiúin incháilithe ar leibhéal NUTS 2.

Airteagal 17

Díriú téamach

Ní chuirfeadh an leithdháileadh sonracha do TFAO san áireamh agus an comhchruinniú téamúil dá dtagraítear in Airteagal 4 á ríomh.

Airteagal 18

Cláreagrú

Tá TFAO ina chuid dhílis de chláreagrú CSE faoi Airteagal 96 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 Más iomchuí, leagfaidh na Ballstáit amach na socruithe clárúcháin do TFAO ina gComhaontuithe Comhpháirtíochta faoi seach agus sa chlár Oibríochtúil.

Is féidir na socruithe sin a bheith i gceann nó i roinnt de na foirmeacha seo a leanas:

- (a) clár oibríochta tiomanta;
- (b) ais tosaíochta thiomanta laistigh de chlár oibríochta;
- (c) cuid d'ais tosaíochta amháin nó níos mó.

Beidh feidhm ag Airteagal 9 agus Airteagal 10 den Rialachán seo freisin maidir le TFAO.

*Airteagal 19***Faireachán agus meastóireacht**

1. I dteannta fheidhmeanna an choiste faireacháin a leagtar amach Airteagal 110 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, scrúdóidh an coiste faireacháin cur chun feidhme TFAO uair amháin sa bhliain ar a laghad i gcomhthéacs an chláir agus an dul chun cinn atá tá déanta i dtreo a chuspóirí a bhaint amach.

2. Beidh faisnéis maidir le cur chun feidhme TFAE sa Tuarascáil Bhliantúil Cur chun Feidhme agus sa tuarascáil dheireanach amháil dá dtagraítear in Airteagal 50(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013. Tarchuirfidh an Coimisiún chuig Parlaimint na hEorpa achoimre ar na tuarascála sin amháil dá dtagraítear in Airteagal 53(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

Freastalóidh an Coimisiún ar dhíospóireacht bhliantúil Pharlaimint na hEorpa maidir leis an achoimre ar na tuarascálacha sin.

3. Amháil ó Aibreán 2015 agus do na blianta ina dhiaidh sin, agus ag an am céanna leis na tuarascála cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 50(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, tarchuirfidh an t-údarás bainistíochta go leictreonach chuig an gCoimisiún sonraí struchtúrtha maidir le gach ais tosaíochta nó do gach cuid de a thacaíonn le TFAO. Bainfidh sonraí táscaire a tharchuirfear le luachanna do na táscairí a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo agus, i gcás inarb infheidhme, le táscairí atá sonracha do na cláir. Bainfidh siad le hoibríochtaí arna gcur chun feidhme go páirteach nó go hiomlán.

4. Maidir leis na tuarascálacha cur chun feidhme bliantúla dá dtagraítear in Airteagal 50(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, nó, i gcás inarb infheidhme, an tuarascáil ar dhul chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 111(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus an tuarascáil bhliantúil cur chun feidhme a cuireadh isteach i mBealtaine 2016, beidh na príomhthorthaí meastóireachta dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo iontu. Déanfaidh na tuarascálacha freisin caighdeán na dtairiscintí fostaíochta a fuair rannpháirtithe an TFAO a leagan amach agus a mheasúnú, lena n-áirítear daoine óga atá faoi mhíbhuntáiste, ó phobail imeallaithe nó a fhágann oideachas gan aon cháilíocht faighte acu. Déanfaidh na tuarascálacha a ndul chun cinn san oideachas leanúnach a leagan amach agus a mheasúnú freisin, poist inbhuanaithe agus chuibhiúla a fháil, nó maidir le gabháil do phrintíseacht nó d'oiliúnaí d'ardchaighdeán.

5. Sna tuarascálacha ar dhul chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 52 (AE) Uimh. 1303/2013, beidh faisnéis bhreise maidir le TFAO agus meastóireacht ar a chur chun feidhme. Tarchuirfidh an Coimisiún chuig Parlaimint na hEorpa achoimre ar na tuarascála sin amháil dá dtagraítear in Airteagal 53(2) den Rialachán sin agus freastalóidh sé ar dhíospóireacht Pharlaimint na hEorpa maidir leis na tuarascálacha sin.

6. Déanfar meastóireacht dhá uair ar a laghad le linn na tréimhse clárúcháin ar éifeachtacht, ar éifeachtúlacht agus ar thionchar na tacaíochta comhpháirtí ó CSE ón leithdháileadh sonracha do TFAO, lena n-áirítear maidir le cur chun feidhme na Rátháochta don Aos Óg.

Críochnófar an chéad mheastóireacht faoin 31 Nollaig 2015 agus an dara meastóireacht faoin 31 Nollaig 2018.

*Airteagal 20***Bearta faisnéise agus cumarsáide**

1. Áiritheoidh na tairbhíthe go gcuirfear na daoine atá ag glacadh páirte san oibríocht ar an eolas faoin tacaíocht ón TFAO a sholáthrófar trí chistiú CSE agus ó leithdháileadh sonracha an TFAO.

2. Aon doiciméad, a bhaineann le hoibríocht a chur chun feidhme a úsáidtear don phobal nó do rannpháirtithe, lena n-áirítear aon teastas tinrimh nó teastas eile, áireofar ann ráiteas go bhfuair an oibríocht tacaíocht faoin TFAO.

*Airteagal 21***Cúnamh teicniúil**

Féadfaidh na Ballstáit an leithdháileadh sonracha don TFAO a chur san áireamh i ríomh na teorann le méid iomlán cistí a leithdháiltear ar chúnamh teicniúil gach Ballstáit.

*Airteagal 22***Tacaíocht airgeadais**

1. Leis an gCinneadh ón gCoimisiún lena nglacfar clár oibríochtúil, socrófar an t-uasmhéid tacaíochta ón leithdháileadh don TFAO agus tacaíocht chomhfhreagrach CSE, mar mhéid uilíoch agus freisin de réir catagóire réigiúin, do gach ais tosaíochta. Beidh an tacaíocht chomhfhreagrach ó CSE comhionann ar a laghad leis an leithdháileadh sonracha don TFAO do gach ais tosaíochta.

2. Ar bhonn na méideanna dá dtagraítear i mír 1, socrófar leis an gCinneadh ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 1 an cóimheas idir na catagóirí réigiúin do thacaíocht CSE do gach ais tosaíochta.

3. I gcás ina gcuirtear an TFAO chun feidhme le hais tosaíochta shonrach lena gcumhdaítear réigiúin incháilithe as níos mó ná catagóir amháin, beidh feidhm ag an ráta cómhaoinithe is airde maidir le leithdháileadh CSE.

Ní bheidh an leithdháileadh sonracha don TFAO faoi réir an cheanglais náisiúnta chómhaoinithe.

Cuirfear ráta cómhaoinithe CSE chomh maith leis an leithdháileadh ar leith don TFAO san áireamh agus ráta foriomlán cómhaoinithe na haise tosaíochta arna shocrú leis an gCinneadh ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 1 á ríomh.

*Airteagal 23***Bainistíocht airgeadais**

Chomh maith le hAirteagal 130 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, i gcás ina n-aisíocfaidh an Coimisiún íocaíochtaí eatramhacha agus ina n-íocfaidh sé an t-iarmhéid deiridh do TFAO de réir aise tosaíochta, leithdháilfidh sé an aisíocaíocht ó bhuiséad an Aontais go comhionann idir CSE agus an leithdháileadh sonracha do TFAO. A luaithe a bheidh na hacmhainní go léir ón leithdháileadh sonracha don TFAO aisíoctha, déanfaidh an Coimisiún na haisíocaíochtaí a bheidh fanta a leithdháileadh ó bhuiséad an Aontais ar CSE.

Déanfaidh an Coimisiún an aisíocaíocht ó CSE a leithdháileadh idir catagóirí réigiún de réir an chóimheasa atá leagtha síos in Airteagal 22 (2).

CAIBIDIL V

TARMLIGEAN CUMHACHTA AGUS FORÁLACHA DEIRIDH

Airteagal 24

An tarmligean a fheidhmiú

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.

2. Tabharfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 14(1) don Choimisiún ón 21 Nollaig 2013 go dtí an 31 Nollaig 2020.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 14(1) a chúlghairm tráth ar bith. Cuirfidh cinneadh cúlghairm a dhéanamh deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Tíocfaidh sé i bhfeidhm an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ag dáta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe agus a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas ina leith an tráth céanna.

5. Ní thíocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 14(1) i bhfeidhm ach amháin mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ón dáta ar a dtabharfar fógra faoin ngníomh sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó, más rud é, sula mbeidh an tréimhse sin caite, go mbeidh sé curtha in iúl don Choimisiún ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Déanfar an tréimhse sin a shíneadh ar feadh dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 25

Coiste faoi Airteagal 163 CFAE

1. Beidh de chúnamh ag an gCoimisiún Coiste ("Coiste CSE") a bhunaítear faoi Airteagal 163 CFAE.

2. Féadfaidh an Comhalta den Choimisiún a bheidh freagrach as a bheith mar chathaoirleach ar Choiste CSE an fhreagracht sin a tharmligean d'oifigeach sinsearach ón gCoimisiún. Is é an Coimisiún a chuirfidh Rúnaíocht ar fáil do Choiste CSE.

3. Ceapfaidh gach Ballstát ionadaí amháin ón rialtas, ionadaí amháin ó eagraíochtaí na n-oibrithe, ionadaí amháin ó eagraíochtaí na bhfostóirí agus ionadaí malartach do gach comhalta ar feadh uastréimhse seacht mbliana. Mura mbeidh an comhalta i láthair, beidh sé de theideal ag an ionadaí malartach páirt a ghlacadh sna himeachtaí.

4. Áireofar sa Choiste CSE ionadaí amháin ó gach eagraíocht atá agus lena ndéantar ionadaíocht ar eagraíochtaí na n-oibrithe agus ar eagraíochtaí na bhfostóirí ar leibhéal an Aontais

5. Féadfaidh Coiste CSE cuireadh a thabhairt d'ionadaithe neamh-vótála an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus an Chiste Eorpaigh Infheistíochta agus d'ionadaithe neamh-vótála eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta chuig a chruinnithe má éilítear le clár oibre an chruinnithe go mbeidh siad rannpháirteach.

6. Maidir le Coiste CSE:

(a) rachfar i gcomhairle leis maidir leis na dréachtchinní ón gCoimisiún a bhaineann le clár oibriúcháin agus le cláreagrú i gcás tacaíocht ó CSE;

(b) rachfar i gcomhairle leis maidir le cúnamh teicniúil a úsáid, ar úsáid phleanáilte í, i gcás tacaíochta ó CSE agus maidir le saincheisteanna eile a mbeidh tionchar acu ar straitéisí a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais i ábhartha do CSE;

(c) tacóidh sé le liosta na dtéamaí comhchoiteanna do chomhar trasnáisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 10(3).

7. Féadfaidh Coiste CSE tuairimí a thabhairt maidir leis an méid seo a leanas:

(a) ceisteanna maidir leis an ranníocaíocht ó CSE le cur chun feidhme straitéis Eorpa 2020;

(b) ceisteanna maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1303/2013 a bheidh ábhartha maidir leis an CSE;

(c) ceisteanna maidir le CSE a chuirfidh an Coimisiún ar aghaidh chuige seachas na cinn dá dtagraítear i mír 6.

8. Glacfar tuairimí Choiste CSE trí thromlach glan na vótaí a chaitear go bailí, agus cuirfear in iúl do Pharlaimint na hEorpa iad le haghaidh faisnéise. Déanfaidh an Coimisiún Coiste CSE a chur ar an eolas faoin gcaoi ar chuir sé tuairimí an Choiste san áireamh.

Airteagal 26

Forálacha idirthréimhseacha

1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do leanúint de chúnamh ná do mhodhnú cúnaimh, lena n-áirítear é a chur ar ceal i bpáirt nó ina iomláine, ar cúnamh é a dhéanann an Coimisiún a fhorhmeas ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 nó ar bhonn aon reachtaíochta eile a bhfuil feidhm aici maidir leis an gcúnamh sin ar an 31 Nollaig 2013. Beidh feidhm fós dá bhrí sin ag an Rialachán sin nó ag reachtaíocht infheidhme eile den sórt sin tar éis an 31 Nollaig 2013 maidir leis an gcúnamh sin nó leis na tionscadaí i dtrácht go dtí go dtíocfaidh an cúnamh nó na hoibríochtaí sin chun críche.

2. Beidh iarratais ar chúnamh a fháil arna ndéanamh nó arna bhformheas faoi Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 roimh an 1 Eanáir 2014 fós bailí.

Airteagal 27

Aisghairm

Gan dochar do na forálacha a leagtar síos in Airteagal 18 den Rialachán seo, aisghairtear leis seo Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006, le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.

Déanfar na tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Nollaig 2013.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
R. ŠADŽIUS

Airteagal 28

Athbhreithniú

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle athbhreithniú ar an Rialachán seo faoin 31 Nollaig 2020 i gcomhréir le hAirteagal 164 CFAE.

Airteagal 29

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

IARSCRÍBHINN I

Comhtháscairí aschuir agus toraidh le haghaidh infheistíochtaí CSE

(1) Comhtháscairí aschuir maidir le rannpháirtithe

Tagairt is ea "rannpháirtithe" ⁽¹⁾ do dhaoine a fhaigheann tairbhe dhíreach ó idirghabháil CSE ar féidir iad a aithint agus faisnéis a iarraidh uathu faoina saintréithe, agus a bhfuil caiteachas sonrach curtha in áirithe dóibh. Ní dhéanfar daoine eile a áireamh mar rannpháirtithe. Déanfar na sonraí ar fad a mhiondealú de réir inscne.

Is iad na comhtháscairí aschuir do rannpháirtithe:

- daoine dífhostaithe, lena n-áirítear daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach*,
- daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach*,
- daoine neamhghníomhacha*,
- daoine neamhghníomhacha, nach bhfuil páirteach in oideachas ná oiliúint*,
- daoine fostaithe, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe*
- daoine faoi bhun 25 bliana d'aois*,
- daoine os cionn 54 bliana d'aois*,
- daoine os cionn 54 bliana d'aois atá dífhostaithe, lena n-áirítear dífhostaithe go fadtéarmach, nó neamhghníomhach nach bhfuil san oideachas ná in oiliúint*,
- daoine a bhfuil oideachas bunscoile (ISCED 1) nó meánscoile íochtaraí (ISCED 2) acu*,
- daoine a bhfuil oideachas meánscoile uachtaraí (ISCED 3) nó oideachas iar-mheánscoile (ISCED 4) acu*,
- daoine a bhfuil oideachas treasach (ISCED 5 nó 8) acu*,
- rannpháirtithe a bhfuil cónaí orthu i dteaghlaigh atá amuigh as obair,
- rannpháirtithe a bhfuil leanaí cleithiúnacha acu agus a bhfuil cónaí orthu i dteaghlaigh atá amuigh as obair,
- rannpháirtithe a bhfuil leanaí cleithiúnacha acu agus a bhfuil cónaí orthu i dteaghlaigh aonair do dhaoine fásta,
- imircigh, daoine de chúlra iasachta, mionlaigh (lena n-áirítear pobail imeallaithe amhail na Romaigh)**,
- daoine faoi mhíchumas**,
- daoine eile faoi mhíbhuntáiste**.

Ríomhfar líon iomlán na rannpháirtithe go huathoibríoch ar bhonn na dtáscairí aschuir.

Déanfar na sonraí sin maidir le rannpháirtithe in oibríocht CSE sholáthar sna tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme mar a shonraítear in Airteagal 50(1) agus (2) agus in Airteagal 111(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

- gan dídean nó dá ndéanann eisiámh tithíochta difear*,
- ó limistéir thuaithe* ⁽²⁾;

⁽¹⁾ Déanfaidh na húdaráis bhainistíochta córas a bhunú lena dtaiscfear agus lena stórálfar sonraí na rannpháirtithe aonara I bhfoirm leictreonach mar a leagtar amach in Airteagal 125(2)(d) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013. Beidh socruithe próiseála sonraí na mBallstát a bheith i gcomhréir le forálacha Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 281, 23.11.1995, lch. 31), go háirithe maidir le hAirteagal 7 agus le hAirteagal 8 den Treoir sin.

Is ionann sonraí pearsanta de réir Airteagal 7 de Threoir 95/46/CE agus sonraí arna dtuairisciú faoi na táscairí a bhfuil * marcáilte in aice leo. Tá sé riachtanach iad a phróiseáil chun an oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialtóir faoina réir a chomhlíonadh (Airteagal 7(c) de Threoir 95/46/CE). Chun sainmhíniú a fháil ar rialtóir féach Airteagal 2 de Threoir 95/46/CE.

Is catagóir speisialta sonraí de réir Airteagal 8 de Threoir 95/46/CE iad sonraí arna dtuairisciú faoi na táscairí a bhfuil ** marcáilte ina aice leo. Faoi réir coimircí oiriúnacha a bheith tugtha, féadfaidh Ballstáit, ar mhaithe le leas poiblí substaintiúil, díolúintí a leagan síos i dteannta na cinn a leagadh síos in Airteagal 8(2) de Threoir 95/46/CE, trí bhíthin an dlí náisiúnta nó trí bhíthin cinnidh de chuid an údaráis mhaoirseachta (Airteagal 8(4) de Threoir 95/46/CE).

⁽²⁾ Baileofar na sonraí ar leibhéal aonaid riaracháin níos lú (aonaid riaracháin áitiúla), Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine maidir le rangú coiteann aonad críochacha ar mhaithe le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).

Déanfar na sonraí maidir le rannpháirtithe faoin dá táscaire thuas a sholáthar sna tuarascálacha cur chun feidhme bliantúla amháil a shonraítear in Airteagal 50(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013. Baileofar na sonraí bunaithe ar shampla ionadaíoch de rannpháirtithe faoi chuimsiú gach tosaíochta infheistíochta. Déanfar bailíocht inmheánach an tsampla a áirithiú sa chaoi go bhféadfar na sonraí a ghinearálú ar leibhéal na tosaíochta infheistíochta.

(2) Is iad comhtháscairí aschuir i gcomhair eintiteas:

- líon na dtionscadal arna gcur chun feidhme ina n-iomláine nó i bpáirt ag comhpháirtithe sóisialta nó ag eagraíochtaí neamhrialtasacha,
- líon na dtionscadal atá tiomnaithe do rannpháirtíocht inbhuanaithe agus do dhul chun cinn na mban san fhostaíocht,
- líon na dtionscadal arna ndírú ar riaracháin phoiblí nó ar sheirbhísí poiblí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil,
- líon na micreaghnothas, na ngnóthas beag agus meánmhéide a bhfuil tacaíocht á fáil acu, (lena n-áirítear fiontair chomhair, fiontair an gheilleagair shóisialta).

Déanfar na sonraí sina sholáthar sna tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme mar atá sonraithe in Airteagal 50(1) agus (2) agus in Airteagal 111(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

(3) Is iad na comhtháscairí toraidh láithreacha do rannpháirtithe:

- rannpháirtithe neamhghníomhacha atá ag lorg poist arís ar fhágáil dóibh
- rannpháirtithe in oideachas/oiliúint ar fhágáil dóibh
- rannpháirtithe a fuair cáilíocht ar fhágáil dóibh
- rannpháirtithe i bhfostaíocht, lena n-áirítear féinfhostaíocht, ar fhágáil dóibh
- rannpháirtithe faoi mhíbhuntáiste atá i mbun post a lorg, oideachais/oiliúna, cáilíocht a fháil, fostaíochta, lena n-áirítear féinfhostaíocht, ar fhágáil dóibh**

Déanfar na sonraí sin a sholáthar sna tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme mar atá sonraithe in Airteagal 50(1) agus (2) agus in Airteagal 111(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013. Déanfar na sonraí ar fad a mhiondealú de réir inscne.

(4) Comhtháscairí fadtéarmacha toraidh do rannpháirtithe is iad:

- rannpháirtithe féinfhostaithe, lena n-áirítear féinfhostaíocht, sé mhí tar éis dóibh fágáil,
- rannpháirtithe i staid níos fearr i margadh an tsaothair sé mhí tar éis dóibh fágáil,
- rannpháirtithe os cionn 54 bliana d'aois atá fostaithe, lena n-áirítear féinfhostaíocht, sé mhí tar éis dóibh fágáil*,
- rannpháirtithe faoi mhíbhuntáiste atá fostaithe, lena n-áirítear féinfhostaíocht, 6 mhí tar éis dóibh fágáil**.

Déanfar na sonraí sin a sholáthar sna tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme mar atá sonraithe in Airteagal 50(5) de Rialachán (AE) 1303/2013 Baileofar iad bunaithe ar shampla ionadaíoch de rannpháirtithe faoi chuimsiú gach tosaíochta infheistíochta. Déanfar bailíocht inmheánach an tsampla a áirithiú sa chaoi go bhféadfar na sonraí a ghinearálú ar leibhéal na tosaíochta infheistíochta. Déanfar na sonraí ar fad a mhiondealú de réir inscne.

IARSCRÍBHINN II

Táscairí toraidh do TFAO

Déanfar na sonraí sin a sholáthar sna tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme mar atá sonraithe in Airteagal 50(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus sa tuarascáil atá le cur isteach in Aibreán 2015 mar a shonraítear in Airteagal 19(3) den Rialachán seo. Déanfar na sonraí ar fad a mhiondealú de réir inscne.

(1) Comhtháscairí toraidh láithreacha do rannpháirtithe i

Tagairt is ea "rannpháirtithe" ⁽¹⁾ do dhaoine a fhaigheann tairbhe dhíreach ó idirghabháil TFAO agus ar féidir iad a aithint agus faisnéis a fháil uathu faoina saintréithe, agus a bhfuil caiteachas sonrath curtha in áirithe dóibh.

Is iad na táscairí torthaí láithreacha:

- Rannpháirtithe dífhostaithe a chríochnaíonn an idirghabháil lena dtacaíonn TFAO*,
- Rannpháirtithe dífhostaithe a fhaigheann tairiscint fostaíochta, oideachais leantaigh nó printíseachta nó cúrsa oiliúna ar fhágáil dóibh*,
- Rannpháirtithe dífhostaithe atá in oideachas/oiliúint, a ghnóthaíonn cáilíocht, nó i bhfostaíocht lena n-áirítear féinfhostaíocht ar fhágáil dóibh*,
- Rannpháirtithe dífhostaithe fadtéarma a chríochnaíonn an idirghabháil lena dtacaíonn TFAO*,
- Rannpháirtithe dífhostaithe fadtéarma a fhaigheann tairiscint fostaíochta, oideachais leantaigh nó printíseachta nó cúrsa oiliúna ar fhágáil dóibh*,
- Rannpháirtithe dífhostaithe fadtéarma atá in oideachas/oiliúint, a ghnóthaíonn cáilíocht, nó atá i bhfostaíocht, lena n-áirítear féinfhostaíocht ar fhágáil dóibh*,
- Rannpháirtithe neamhghníomhacha nach bhfuil in oideachas ná in oiliúint a chríochnaíonn an idirghabháil lena dtacaíonn CSE/an TFAO**,
- Rannpháirtithe neamhghníomhacha nach bhfuil in oideachas ná in oiliúint a fhaigheann tairiscint fostaíochta, oideachais leantaigh nó printíseachta nó cúrsa oiliúna ar fhágáil dóibh*,
- Rannpháirtithe neamhghníomhacha nach bhfuil in oideachas ná in oiliúint atá in oideachas/oiliúint, a ghnóthaíonn cáilíocht, nó i bhfostaíocht, lena n-áirítear féinfhostaíocht, ar fhágáil dóibh*.

(2) Comhtháscairí toraidh fadtéarmacha do rannpháirtithe

Is iad na táscairí fadtéarmacha:

- Rannpháirtithe in oideachas leantach, i gcúrsaí oiliúna a mbaintear cáilíocht amach ag a ndeireadh, i bprintíseacht nó i gcúrsa oiliúna sé mhí i ndiaidh dóibh imeacht*,
- Rannpháirtithe i bhfostaíocht sé mhí tar éis dóibh fágáil*;
- Rannpháirtithe féinfhostaithe sé mhí tar éis dóibh fágáil*.

Baileofar na sonraí maidir le táscairí toraidh is fadtéarmaí bunaithe ar shampla ionadaíoch de rannpháirtithe faoi chuimsiú gach tosaíochta infheistíochta. Ba cheart bailíocht inmheánach an tsampla a áirithiú sa chaoi go bhféadfar na sonraí a ghinearálú ar leibhéal na tosaíochta infheistíochta.

⁽¹⁾ Déanfaidh na húdaráis bhainistíochta córas a bhunú lena dtaiscfead agus lena stórálfar sonraí na rannpháirtithe aonarach a bhfoirm leictreonach mar a leagtar amach in Airteagal 125(2)(d) de Rialachán 1303/2013. Ní mór socrúithe próiseála sonraí na mBallstát a bheith i gcomhréir le forálacha Threoir 95/46/CE, go háirithe maidir le hAirteagal 7 agus le hAirteagal 8 den Threoir sin. Is ionann sonraí pearsanta de réir Airteagal 7 de Threoir 95/46 agus sonraí arna dtuairisciú faoi na táscairí a bhfuil * marcáilte ina aice leo. Tá sé riachtanach iad a phróiseáil chun an oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialtóir faoina réir a chomhlíonadh (Airteagal 7(c) de Threoir 95/46). Chun sainmhíniú a fháil ar rialtóir féach Airteagal 2 de Threoir 95/46. Is catagóir speisialta sonraí de réir Airteagal 8 de Threoir 95/46 iad sonraí arna dtuairisciú faoi na táscairí a bhfuil ** marcáilte ina aice leo. Faoi réir coimircí oiriúnacha a bheith tugtha, féadfaidh Ballstáit, ar mhaithe le leas poiblí substaintiúil, díolúintí a leagan síos i dteannta na cinn a leagadh síos in Airteagal 8(2) de Threoir 95/46, trí bhithin an dlí náisiúnta nó trí bhithin cinnidh de chuid an údaráis mhaoirseachta (Airteagal 8(4) de Threoir 95/46).

IARSCRÍBHINN III

Tábla comhghaoil

Rialachán (CE) No 1081/2006ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle	An Rialachán seo
Airteagal 1	Airteagal 1
Airteagal 2	Airteagal2
Airteagal 3	Airteagal 3
Airteagal 4	Airteagal 4
	Airteagal 5
Airteagal 5	Airteagal6
Airteagal 6	Airteagal 7
	Airteagal8
Airteagal 7	Airteagal 9
Airteagal 8	Airteagal 10
Airteagal 9	—
Airteagal 10	—
	Airteagal 11
	Airteagal 12
Airteagal 11	Airteagal 13
	Airteagal 14
	Airteagal 15
	Airteagal 16 go hAirteagal 23
	Airteagal 24
	Airteagal 25
Airteagal 12	Airteagal 26
Airteagal13	Airteagal 27
Airteagal 14	Airteagal28
Airteagal 15	Airteagal29

RIALACHÁN (AE) Uimh. 1305/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 17 Nollaig 2013

maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 42 agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún dar teideal "CBT as seo go 2020: Na dúshláin a bhaineann le bia, acmhainní nádúrtha agus críocha amach anseo a bhaint amach" leagtar amach na dúshláin, cuspóirí agus treoshuímh fhéideartha le haghaidh an chomhbheartais talmhaíochta ("CBT") i ndiaidh 2013. I bhfianaise na díospóireachta i dtaobh na Teachtaireachta sin, ba cheart CBT a athchóiriú le héifeacht ón 1 Eanáir 2014. Ba cheart go gcumhdófaí leis an athchóiriú sin príomhionstraimí uile CBT, lena n-áirítear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005⁽¹⁾ ón gComhairle. I bhfianaise raon feidhme an athchóirithe sin, is iomchuí Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 a aisghairm agus téacs nua a chur ina ionad.
- (2) Ba cheart beartas forbartha tuaithe a bhunú chun gabháil le híocaíochtaí díreacha agus bearta margaidh CBT agus chun iad a chomhlánú agus rannchuidiú ar an gcaoi sin le cuspóirí an bheartais mar a leagtar síos sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("CFAE". Ina theannta sin, ba cheart na príomhchuspóirí beartais a leagtar

amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Márta 2010 dar teideal "Eoraip 2020 Straitéis maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach" ("Straitéis Eoraip 2020") a bheith comhtháthaithe i mbeartas forbartha tuaithe den sórt sin agus ba cheart an beartas sin a bheith ag luí leis na cuspóirí ginearálta maidir leis an mbeartas comhtháthaithe eacnamaíoch agus shóisialta mar a leagtar amach i CFAE é.

- (3) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon forbairt tuaithe, a ghnóthú go leordhóthanach i bhfianaise na nasc idir an fhorbairt tuaithe agus ionstraimí eile CBT, méid na n-éagothromaíochtaí atá ann idir na limistéir thuaithe éagsúla agus na srianta ar acmhainní airgeadais na mBallstát in Aontas méadaithe, agus gur féidir, de bharr na ráthaíochta ilbhliantúla de mhaoiniú ón Aontas agus trí dhírú isteach ar a thosaíochtaí, é a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ("CAE"). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta mar a leagtar amach san Airteagal sin é, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

- (4) Chun forbairt inbhuanaithe ar limistéir thuaithe a áirithiú, is gá díriú ar líon teoranta príomhthosaíochtaí a bhaineann le haistriú eolais agus nuálaíocht sa talmhaíocht, san fhoraoiseacht agus i limistéir thuaithe, le hinmharthanachta feirme, le hiomaíochas gach cineál talmhaíochta i ngach réigiún agus teicneolaíochtaí nuálaíochta feirmeacha agus bainistiú inbhuanaithe foraoisí a chur chun cinn, leis an mbiashlabhra a eagrú, lena n-áirítear táirgí talmhaíochta a phróiseáil agus a mhargú, leas ainmhithe agus bainistiú riosca sa talmhaíocht, éiceachórais a bhaineann leis an talmhaíocht agus leis an bhforaoiseacht a athchóiriú, a bhuanú agus a fheabhsú, le héifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn agus an t-athrú go geilleagar ísealcharbóin in earnálacha na talmhaíochta agus na bhia agus na foraoiseachta, agus cuimsiú sóisialta, laghdú bochtaineachta agus forbairt eacnamaíoch na limistéar tuaithe a chur chun cinn. Agus é sin á dhéanamh ba cheart éagsúlacht na gcásanna a imríonn tionchar ar limistéir thuaithe ag a bhfuil saintréithe éagsúla nó ina bhfuil catagóirí éagsúla tairbhíthe féideartha a chur san áireamh agus na cuspóirí trasnaí maidir le nuálaíocht, comhshaoil agus maolú ar athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin a chur san áireamh. Ba cheart don ghníomhaíocht mhaolaithe díriú ar astaíochtaí sa talmhaíocht agus san fhoraoiseacht a theorannú i bpríomhghníomhaíochtaí amhail táirgeadh beostoic, úsáid leasacháin agus ar linnte charbóin a chaomhnú agus ar cheapadh carbóin a fheabhsú maidir le húsáid na talún, athrú ar úsáid na talún agus earnáil na foraoiseachta. Tosaíocht an Aontais maidir le forbairt tuaithe a bhaineann le haistriú eolais agus nuálaíocht sa

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2005 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFC). (IO L 277, 21.10.2005, lch. 1).

talmhaíocht, san fhoraoiseacht agus i limistéir thuaithe, ba cheart feidhm a bheith aici go cothrománach i dtaca le tosaíochtaí eile an Aontais maidir le forbairt tuaithe.

- (5) Ba cheart tosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe a shaothrú faoi chuimsiú na forbartha inbhuanaithe agus chuspóir an Aontais maidir le cosaint agus fheabhsú an chomhshaoil á chur chun cinn, mar a leagtar amach in Airteagal 11 CFAE, agus an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as á chur san áireamh. Ba cheart do na Ballstáit faisnéis a sholáthar faoi na cuspóirí maidir le tacaíocht don athrú aeráide i gcomhréir leis an sprioc 20 % ar a laghad de bhuiséad an Aontais a chaitheamh chuige sin ag úsáid modheolaíochta arna glacadh ag an gCoimisiún.
- (6) Ba cheart do ghníomhaíochtaí an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe ("CETFT") agus na hoibríochtaí lena gcuireann sé a bheith comhsheasmhach agus comhoiriúnach le tacaíocht ó ionstraimí eile CBT.
- (7) Chun a áirithiú go dtosóidh cláir forbartha tuaithe láithreach agus go gcuirfeadh chun feidhme go héifeachtúil iad, ba cheart tacaíocht CETFT a bheith bunaithe ar chreachoinníollacha riaracháin fóna a bheith ann. Ba cheart do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar infheidhmeacht agus ar chomhlíonadh coinníollachtaí ex ante áirithe. Ba cheart go n-ullmhóidh gach Ballstát clár forbartha tuaithe dá chríoch iomlán nó sraith de chláir réigiúnacha, nó clár náisiúnta agus sraith de chláir réigiúnacha araon. Ba cheart straitéis a shainnighint i ngach clár le haghaidh spriocanna a bhaineann le tosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe a bhaint amach agus rogha beart. Ba cheart tosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe a chomhlíonadh sa chlársceidealú, agus iad a oiriúnú ag an am céanna do chomhthéacsanna náisiúnta agus beartais eile an Aontais a chomhlánú, go háirithe beartas an mhargaidh talmhaíochta, an beartas comhtháthaithe agus an comhbheartas iascaigh. Ba cheart do na Ballstáit a roghnaíonn sraith de chláir réigiúnacha a ullmhú bheith ábalta creat náisiúnta a ullmhú chomh maith, gan leithdháileadh buiséid faoi leith, chun comhordú a éascú i measc na réigiún chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin fhorleiththeadacha.
- (8) Ba cheart do na Ballstáit a bheith ábalta fochláir théamacha a chuimsiú ina gcláir forbartha tuaithe chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shainiúla sna limistéir lena gcuireann siad tábhacht faoi leith. Ba cheart d'fheirmeoirí óga, feirmeacha beaga, limistéir sléibhe, cruthú slabhraí soláthair gairide, mná i gceantair thuaithe, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin agus bithéagsúlacht, i measc nithe eile, a bheith i gceist sna fochláir théamacha. Ba cheart fochláir théamacha a úsáid freisin chun foráil a dhéanamh go bhféadfaí

rannchuidiú leis na hearnálacha talmhaíochta a bhfuil tionchar láidir acu ar fhorbairt limistéar tuaithe a athstruchtú. Mar mhodh le hidirghabháil éifeachtúil fhochlár téamach áirithe a mhéadú ba cheart go bhféadfadh na Ballstáit foráil a dhéanamh i dtaobh rátaí tacaíochta níos airde maidir le hoibríochtaí áirithe arna gcumhdach ag na fochláir théamacha sin.

- (9) Ba cheart riachtanais an limistéir a chumhdaítear a shainnighint sna cláir forbartha tuaithe agus ba cheart cur síos a dhéanamh iontu ar straitéis chomhchuibhithe chun na riachtanais sin a bhaint amach i bhfianaise tosaíochtaí an Aontais do bheartas forbartha tuaithe. Ba cheart don straitéis sin a bheith bunaithe ar bhunú spriocanna. Ba cheart na naisc idir na riachtanais a shainnighneofar, na spriocanna a shocrófar agus rogha na mbeart a roghnófar lena mbaint amach a bhunú. Ba cheart an fhaisnéis uile a theastaíonn lena gcomhréireacht le ceanglais an Rialacháin seo a mheasúnú a bheith sna cláir forbartha tuaithe chomh maith.
- (10) Bunófar spriocanna i gcláir forbartha tuaithe i gcoinne comhshraith táscairí sprice le haghaidh gach Ballstáit, agus nuair is gá i gcoinne táscairí sonracha do chláir. Chun an cleachtadh seo a éascú ba cheart na limistéir arna gcumhdach sna táscairí seo a shainiú i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe. I bhfianaise chur i bhfeidhm cothrománach tosaíocht an Aontais maidir le forbairt tuaithe a bhaineann le haistriú eolais sa talmhaíocht agus san fhoraoiseacht, measfar na hidirghabhálacha faoin tosaíocht seo a bheith bunriachtanach i ndáil leis na táscairí sprice arna sonrú le haghaidh tosaíochtaí eile an Aontais.
- (11) Is gá rialacha áirithe a bhunú le haghaidh cláir forbartha tuaithe a chlársceidealú agus a leasú. Ba cheart níos imeachta níos simplí a sholáthar le haghaidh leasuithe nach ndéanadh difear do straitéis na gclár nó ranníocaíochtaí airgeadais an Aontais faoi seach.
- (12) Teastaíonn leibhéal cuí oiliúna teicniúla agus eacnamaíche mar aon le cumas méadaithe chun eolas agus faisnéis a rochtain agus a mhalartú lena n-áirítear scaipeadh na gcleachtas is fearr táirgthe talmhaíochta agus foraoiseachta de bharr theacht chun cinn agus speisialtóireacht na talmhaíochta agus na foraoiseachta agus de bharr na ndúshlán faoi leith atá os comhair micrifhiontar, fiontar beag agus meánmhéide ("FBManna") i limistéir thuaithe. Níor cheart do ghníomhaíochtaí aistrithe eolais agus faisnéise a bheith i bhfoirm cúrsaí oiliúna traidisiúnta amháin ach ba cheart iad a oiriúnú do riachtanais na ngníomhaithe tuaithe. Dá bhrí sin ní amháin gur cheart ceardlanna, oiliúnú, gníomhaíochtaí taispeánta agus gníomhartha faisnéise a chothú ach ba cheart scéimeanna malartaithe feirme agus foraoise gearrthéarmacha agus cuairteanna a chothú chomh maith. Ba cheart don eolas agus don fhaisnéis a fhiaightear cur ar chumas feirmeoirí, sealbhóirí foraoise,

daoine atá bainteach le hearnáil an bhia agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a n-iomaíochas agus a n-éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú go háirithe, agus a bhfeidhmiú comhshaoil a fheabhsú agus cur le hinbhuanaitheacht an gheilleagair thuaithe ag an am céanna. Agus tacaíocht á tabhairt do FBManna, tá an deis ag Ballstáit tosaíocht a thabhairt do FBManna a bhfuil baint acu le hearnálacha na talmhaíochta agus na foraoiseachta. Chun a áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí aistriithe eolais agus faisnéise éifeachtach maidir leis na torthaí sin a sheachadadh ba cheart a éileamh go mbeadh na hinniúlachtaí cuí ar fad ag soláthraithe na seirbhísí aistriithe eolais.

- (13) Cabhraíonn seirbhísí comhairleacha feirme le feirmeoirí, feirmeoirí óga, sealbhóirí foraoise, bainisteoirí eile talún agus le FBManna i gceantair thuaithe le bainistiú inbhuanaithe agus feidhmiú foriomlán a ngabháltais nó a ngnó a fheabhsú. Dá bhrí sin, ba cheart spreagadh a thabhairt do bhunú seirbhísí den sórt sin agus ba cheart feirmeoirí, feirmeoirí óga, sealbhóirí foraoise, bainisteoirí eile talún, agus FBManna a spreagadh chun leas a bhaint as an gcomhairle sin. Chun cur le caighdeán agus éifeachtacht na comhairle a chuirtear ar fáil, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le cáilíochtaí íosta agus oiliúint rialta na gcomhairleoirí. Ba cheart do sheirbhísí comhairleacha feirme, mar a fhoráiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ cabhrú le feirmeoirí measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú a ngabháltais talmhaíochta agus na feabhsúcháin riachtanacha a aithint maidir leis na ceanglais reachtúla bainistíochta, dálaí maithe talmhaíochta agus comhshaoil, cleachtais talmhaíochta a bheadh tairbheach don aeráid agus don chomhshaoil a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾ agus bearta ar leibhéal na feirme dá bhforáiltear sna cláir forbartha tuaithe ina ndíreofar ar nuachóiriú feirmeacha,

feabhsú iomaíochais, lánpháirtiú earnálacha, an nuálaíocht, treocht an mhargaidh mar aon leis an bhfiontraíocht a chur chun cinn. Ba cheart go gcabhródh seirbhísí comhairleacha feirme le feirmeoirí chomh maith na feabhsuithe is gá a shainnithint maidir le ceanglais a leagtar síos chun Airteagal 11(3) de Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽³⁾ ("An Treoir Réime maidir le hUisce")a

chur chun feidhme mar aon leis na ceanglais chun Airteagal 55 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁴⁾ a chur chun feidhme mar aon le hAirteagal 14 de Threoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁵⁾, go háirithe i ndáil leis na prionsabail ghinearálta maidir le srianadh comhtháite lotnaidí a chomhlíonadh. Nuair is ábhartha, ba cheart go gcumhdófaí leis an gcomhairle caighdeán ceirde nó caighdeán sábháilteachta a bhaineann leis an bhfeirm mar aon le comhairle shonrach d'fheirmeoirí atá ag bunú den chéad uair. Ba cheart go bhféadfaí feirmeoirí óga atá ag bunú, forbairt inbhuanaithe de ghníomhaíochtaí eacnamaíocha an ghabháltais agus saincheisteanna próiseála agus margaióchta a bhaineann le feidhmiú eacnamaíoch, talmhaíochta agus comhshaoil an ghabháltais nó an fhiontair a chumhdach leis an gcomhairle sin freisin. Féadfar comhairle shonrach a chur ar fáil freisin maidir le maolú ar an athrú aeráide agus le hoiriúnú don athrú sin, maidir leis an mbithéagsúlacht, le cosaint uisce, le slabhraí soláthair gairide a fhorbairt, mar aon leis an bhfeirmeoireacht orgánach agus le cúrsaí sláinte a bhaineann le feirmeoireacht ainmhithe. Agus tacaíocht á tabhairt do FBManna atá an deis ag na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do FBManna a bhfuil baint acu le hearnálacha na talmhaíochta agus na foraoiseachta. Ba cheart go gcabhródh seirbhísí bainistithe feirme agus seirbhísí faoisimh feirme le feirmeoirí bainistiú a ngabháltais a fheabhsú agus a éascú.

- (14) Cuireann scéimeanna cáilíochta an Aontais nó scéimeanna náisiúnta, lena n-áirítear scéimeanna deimhniúcháin d'fheirmeacha, le haghaidh táirgí talmhaíochta agus bia dearbhuithe ar fáil do thomhaltóirí maidir le caighdeán agus tréithe an táirge nó maidir leis an bpróiseas táirgthe a úsáideadh de thoradh na feirmeoirí a bheith rannpháirteach i scéimeanna den sórt sin, cruthaíonn siad luach breise do na táirgí atá i gceist agus cuireann siad leis na deiseanna atá ann dóibh sa mhargadh. Dá bhrí sin ba cheart feirmeoirí agus grúpaí feirmeoirí a spreagadh chun páirt a ghlacadh sna scéimeanna sin. Chun a áirithiú go n-úsáidfear acmhainní CETFT go héifeachtach, ba cheart tacaíocht a theorannú d'fheirmeoirí de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 iad. Ós rud é gurb ag an am a thosaíonn siad ag glacadh páirte i scéimeanna den sórt sin agus sna blianta luatha a bhíonn siad rannpháirteach iontu a fhorchuirtear costais bhreise agus oibleagáidí breise ar fheirmeoirí de thoradh a rannpháirteachta, agus nach n-aisiocann an margadh go hiomlán iad astu, ba cheart tacaíocht a chur ar fáil do dhaoine nua atá ag glacadh páirte agus níor cheart go

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir lar (Féach leathanach 549 den Iris Oifigiúil seo)

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha d'íocaíochtaí díreacha d'fheirmeoirí (Féach leathanach 608 den Iris Oifigiúil seo)

⁽³⁾ Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 4.11.2009, lch. 1).

⁽⁵⁾ Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht an Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO L 309, 24.11.2009, lch. 71).

gcuimseodh an tacaíocht tréimhse níos faide ná cúig bliana. Ós rud é go bhfuil saintréithe speisialta ag cadás mar tháirge feirme, ba cheart scéimeanna cáilíochta don chadás a chumhdach freisin. Ba cheart tacaíocht a chur ar fáil freisin do ghníomhaíochtaí faisnéise agus cur chun feidhme a bhaineann le táirgí atá faoi chumhdach scéimeanna cáilíochta agus deimhniúcháin a gheobhaidh tacaíocht de bhun an Rialacháin seo.

- (15) Chun feabhas a chur ar fheidhmiú eacnamaíoch agus comhshaoil na ngabháltas talmhaíochta agus fiontar tuaithe, feabhas a chur ar éifeachtúlacht na hearnála margaíochta agus próiseála táirgí talmhaíochta, lena n-áirítear saoráidí míonscála próiseála agus margaíochta a bhunú maidir le slabhraí soláthair gairide agus margáí áitiúla, chun bonneagar a sholáthar atá riachtanach d'fhorbairt na talmhaíochta agus na foraoiseachta, agus tacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí neamh-chúitiútheacha atá riachtanach chun aidhmeanna comhshaoil a bhaint amach, ba cheart tacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí fisiceacha a chuireann leis na haidhmeanna sin. Cuimsíodh réimse idirghabhálacha éagsúla le bearta éagsúla le linn chlártréimhse 2007-2013. Ar mhaithe le simpliú ach freisin le ligean do thairbhíthe tionscadail chomhtháite a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a mbeadh breisluach níos mó acu, ba cheart go mbeadh beart aonair ann a chumhdóidh an chuid is mó d'infheistíochtaí fisiceacha. Ba cheart do na Ballstáit an tacaíocht sin a dhíriú ar fheirmeacha atá incháilithe chun cabhair a fháil le haghaidh infheistíochtaí a bhaineann le tacaíocht a thabhairt d'innharthanacht feirmeacha a bheadh bunaithe ar thorthaí anailíse ar láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí ('SWOT') mar mhodh chun an chabhair sin a spriocdhíriú níos fearr. D'fhonn feirmeoirí óga atá ag bunú den chéad uair a éascú, ba cheart go bhféadfaí tréimhse bhreise incháilitheachta a dheonú chun go gcomhlíonfaidh infheistíochtaí caighdeán an Aontais. D'fhonn cur chun feidhme chaighdeán nua an Aontais a chothú, ba cheart go mbeadh infheistíochtaí a bhaineann leis na caighdeán sin a chomhlíonadh incháilithe ar feadh tréimhse breise nuair a bheidh siad éigeantach don ghabháltas talmhaíochta.
- (16) Déanann tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide agus teagmhais thurraingeacha níos mó damáiste d'acmhainn táirgiúlachta earnáil na talmhaíochta ná mar a dhéanann siad d'acmhainn earnálacha eile. Chun tacú le hinmharthanacht agus le hiomaíochas feirmeacha nuair a tharlaíonn tubaistí nó teagmhais den sórt sin ba cheart tacaíocht a chur ar fáil le cabhrú le feirmeoirí an acmhainn talmhaíochta a ndearnadh damáiste di a thabhairt ar ais. Ba cheart do Bhallstáit a áirithiú chomh maith nach ndéanfar aon róchúiteamh i leith damáistí mar thoradh ar an teaghlaim atá ann de scéimeanna cúitimh an Aontais (go háirithe an beart bainistithe riosca faoin Rialachán seo), scéimeanna náisiúnta agus scéimeanna cúitimh príobháideacha.
- (17) Tá sé bunriachtanach don fhorbairt i gceantair thuaithe go mbeidh gníomhaíocht nua eacnamaíoch i bhfoirm feirmeacha nua á cruthú agus á forbairt, go mbeidh éagsúlú ann go gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta lena n-áirítear seirbhísí a chur ar fáil don talmhaíocht agus don fhoraoiseacht, mar aon le gníomhaíochtaí a bhaineann le cúram sláinte, imeascadh sóisialta agus

gníomhaíochtaí turasóireachta. Is féidir le bainistiú inbhuanaithe na n-acmhainní cinigíteacha aghaidh a thabhairt freisin ar in éagsúlú go gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta. Ba cheart go n-éascódh beart forbartha feirme agus gnó iarrachtaí feirmeoirí óga iad féin a chur ar bun ar dtús mar fheirmeoirí agus coigeartú struchtúrach a dhéanamh ar a ngabháltas tar éis dóibh a bheith curtha ar bun. Ina theannta sin, ba cheart go gcuirfeadh sé chun cinn iarrachtaí feirmeoirí éagsúlú a dhéanamh agus dul le gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta agus le bunú agus forbairt FBManna neamhthalmhaíochta i limistéir thuaithe. Ba cheart go spreagfaí fiontraíocht na mban i gceantair thuaithe leis an mbeart sin freisin. Ba cheart spreagadh a thabhairt freisin d'fhorbairt feirmeacha beaga a d'fhéadfadh a bheith innharthana ó thaobh na heacnamaíochta de. Chun a áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí eacnamaíoch nua a dtugtar tacaíocht dóibh faoin mbeart sin innharthana, ba cheart nár bh fholáir dóibh plean gnó a sholáthar chun tacaíocht a fháil. Ba cheart nach dtabharfaí tacaíocht do bhunú gnó den sórt sin ach amháin i rith thréimhse tosaigh an ghnó agus nach ndéanfaí cúnaimh oibriúcháin den tacaíocht sin. Dá bhrí sin, i gcás ina roghnaíonn na Ballstáit cabhair a dheonú i dtráthchodanna níor cheart go ndéanfaí na tráthchodanna sin thar tréimhse is faide ná cúig bliana. Ina theannta sin chun athstruchtúrú earnáil na talmhaíochta a spreagadh, ba cheart tacaíocht i bhfoirm íocaíochtaí bliantúla nó aon uaire a sholáthar d'fheirmeoirí atá incháilithe do scéim na bhfeirmeoirí beaga arna bunú le Teideal V de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ("scéim na bhfeirmeoirí beaga") agus a thugann gealltanais a ngabháltas iomlán mar aon leis na teidliochtaí íocaíochta comhfhreagracha a aistriú go feirmeoir eile.

D'fhonn aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna atá ag feirmeoirí óga a bhaineann le rochtain ar thalamh, tá na Ballstáit in ann an tacaíocht seo a thairiscint freisin i gcomhar le cineálacha eile tacaíochta, mar shampla, trí ionstraimí airgeadais a úsáid.

- (18) Is ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide a sheasann geilleagar tuaithe an Aontais. Ba cheart forbairt gnó feirme agus neamhthalmhaíochta a bheith dírithe ar chur chun cinn fostaíochta agus ar phoist ardchaighdeán a bhunú i limistéir thuaithe, ar na poist atá ann cheana féin a choinneáil, ar luaineachtaí séasúracha i bhfostaíocht a laghdú, ar earnálacha neamhthalmhaíochta taobh amuigh den talmhaíocht agus de phróiseáil talmhaíochta agus bia a fhorbairt. Ag an am céanna ba cheart go ndéanfaí comhtháthú gnó agus naisc idir earnálacha áitiúla a chothú léi. Ba cheart tionscadail a chuireann talmhaíocht agus an turasóireacht tuaithe le chéile, trí thurasóireacht inbhuanaithe agus freagrach a chur chun cinn i limistéir thuaithe, agus oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha ag an am céanna a spreagadh chomh maith le hinfeistíochtaí i bhfuinneamh inathnuaithe.
- (19) Gnéithe riachtanacha d'aon iarracht acmhainn fáis limistéar tuaithe a áirithiú agus a n-inbhuanaitheacht a chur chun cinn is ea forbairt an bhonneagair áitiúil agus na seirbhísí áitiúla i limistéir thuaithe, lena n-áirítear seirbhísí fóillíochta agus cultúir, athnuachan sráidbhailte

agus gníomhaíochtaí atá dírithe ar athchóiriú agus ar fheabhsú na hoidhreachta cultúrtha agus nádúrtha atá ag sráidbhailte agus tírdhreacha tuaithe. Dá bhrí sin ba cheart tacaíocht a dheonú d'oibríochtaí a bhfuil an aidhm sin acu, lena n-áirítear rochtain ar Theicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide agus forbairt leathanbhanda tapa agus sárthapa. I gcomhréir leis na cuspóirí sin, ba cheart spreagadh a thabhairt d'fhorbairt seirbhísí agus bonneagair as a dtiocfaidh cuimsiú sóisialta agus a d'aisiompódh treochtaí maidir le meath sóisialta agus eacnamaíoch agus bánú na limistéar tuaithe. Chun a áirithiú go mbeidh gach tacaíocht chomh héifeachtach agus is féidir, ba cheart oibríochtaí cuimsithe a chur chun feidhme i gcomhréir le pleananna d'fhorbairt na mbardas agus a gcuid seirbhísí bunúsacha, i gcás ina bhfuil na pleananna sin ann, arna leagan amach ag pobal tuaithe amháin nó níos mó. D'fhonn sineirgí a chruthú agus comhar a fheabhsú, ba cheart d'oibríochtaí naisc uirbeacha-tuaithe a chur chun cinn freisin, i gcás inarb ábhartha. Tá an deis ag Ballstáit tosaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí ó chomhpháirtíochtaí forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail, agus chuig tionscadail atá faoi stiúir eagraíochtaí de chuid an phobail áitiúil.

- (20) Dlíthchuid den fhorbairt tuaithe is ea an fhoraoiseacht agus i gcás tacaíochta d'úsáid talún atá inbhuanaithe agus neamhdhíobhlach don aeráid, ba cheart go gcuimseodh an tacaíocht sin forbairt limistéar foraoise agus bainistíocht inbhuanaithe foraoisí. Le linn chlárthréimhse 2007-2013 chuimsigh bearta difriúla na cineálacha éagsúla tacaíochta le haghaidh infheistíochtaí agus bainistíochta foraoiseachta. Ar mhaithe le simpliú ach freisin ar mhaithe le ligean do thairbhíthe tionscadail chomhtháite a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a mbeadh breisluach méadaithe iontu, ba cheart beart aonair a bheith ann a chuimseodh gach cineál infheistíochta agus bainistíochta foraoiseachta. Ba cheart go gcuimseodh an beart sin feabhsú acmhainní foraoise agus cur leo trí fhoraoisí talún agus trí chórais agraforaoiseachta a chruthú ina mbeidh córais fhairsinge talmhaíochta agus foraoiseachta. Ba cheart go gcuimseofaí leis freisin athchóiriú foraoisí a ndearnadh damáiste dóibh de dheasca dóiteáin nó tubaistí nádúrtha agus dheasca teagmhais thurraingeacha eile agus bearta coiscthe iomchuí, infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí nua foraoiseachta agus i bpróiseáil, in úsáid agus i margú táirgí foraoise a bheidh dírithe ar fheabhsú fheidhmiú eacnamaíoch agus comhshaoil na sealbhóirí foraoise agus infheistíochtaí neamhchúiti-theacha a fheabhsaíonn athléimneacht ó thaobh éiceachórais agus aeráide de agus luach comhshaoil na n-éiceachóras foraoise. Níor cheart do thacaíocht an iomaíochta a shaobhadh agus ba cheart di a bheith neodrach ó thaobh an mhargaidh de. Dá bhrí sin, ba cheart teorainneacha maidir le méid agus le stádas dlíthiúil na dtairbhíthe a chur i bhfeidhm. Ba cheart gníomhaíochtaí coiscthe dóiteáin a dhéanamh i limistéar atá aicmithe ag na Ballstáit a bheith mar limistéir mheánriosca nó ardriosca ó thaobh dóiteáin de. Ba cheart gach beart coiscteach a bheith ina cuid de phlean cosanta foraoisí poiblí. Más rud é go dtarlaíonn tubaiste nádúrtha ba cheart d'eagraíocht eolaíochta phoiblí aitheantas foirmiúil a thabhairt dó sula dtabharfar faoi tacaíocht a thabhairt do ghníomhachtaí chun athchóiriú á dhéanamh ar acmhainneacht foraoise a ndearnadh damáiste di.

Ba cheart an beart foraoiseachta a ghlacadh i bhfianaise na ngealltanais a thug an tAontas agus na Ballstáit ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus ba cheart é bheith bunaithe ar phleananna foraoise náisiúnta nó fo-náisiúnta na mBallstát nó ar ionstraimí coibhéseacha ar cheart go gcuirfí san áireamh na gealltanais arna dtabhairt sna Comhdhálacha Airí maidir le Cosaint Foraoisí san Eoraip. Ba cheart don bheart rannchuidiú le cur chun feidhme Straitéis Foraoise an Aontais I gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal "Straitéis nua Foraoiseachta don Aontas Eorpach: do na foraoiseanna agus d'earnáil na foraoiseachta".

- (21) Cabhraíonn grúpaí agus eagraíochtaí táirgeoirí le feirmeoirí aghaidh a thabhairt le chéile ar na dúshláin a bhaineann le breis iomaíochta agus le comhdhlúthú margáí iarmhartacha i ndáil le margú a gcuid táirgí lena n-áirítear i margáí áitiúla. Dá bhrí sin ba cheart spreagadh a thabhairt do bhunú grúpaí agus eagraíochtaí táirgeoirí. Chun a áirithiú go n-úsáidfeair acmhainní teoranta airgeadais sa chaoi is fearr níor cheart go mbainfeadh aon dream leas as tacaíocht ach amháin grúpaí agus eagraíochtaí táirgeoirí atá incháilithe mar fhiontair bheaga agus mheánmhéide. Tá an deis ag Ballstáit tosaíocht a thabhairt do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí táirgeora i ndáil le táirgí cáilíochta atá faoi chuimsiú na forála maidir le scéimeanna Cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta agus earraí bia sa Rialachán seo. Chun a áirithiú go mbeidh an grúpa táirgeoirí nó eagraíocht ina n-aonán inmharthana, ba cheart plean gnó a chur isteach chuig na Ballstáit, mar choinníoll go dtabharfadh na Ballstáit tacaíocht don ghrúpa táirgeoirí nó don eagraíocht. Ionas nach mbeidh cúnaimh oibríocháin á chur ar fáil agus chun ról dreasachta na tacaíochta a choimeád, níor cheart gur faide ré na tacaíochta ná cúig bliana ón dáta a n-aithneofar an grúpa nó an eagraíocht táirgeora bunaithe ar an bplean gnó.
- (22) Ba cheart ról tábhachtach a bheith i gcónaí ag fócaíochtaí agra-chomhshaoil-aeráide maidir le tacú le forbairt inbhuanaithe limistéar tuaithe agus freagairt d'éilimh na sochaí atá ag méadú i gcónaí maidir le seirbhísí comhshaoil. Ba cheart d'fócaíochtaí spreagadh breise a thabhairt d'fheirmeoirí agus do bhainisteoirí talún eile freastal ar an tsochaí ina hiomláine trí chleachtais talmhaíochta a chur i bhfeidhm, nó leanúint ar aghaidh á gcur i bhfeidhm, a chabhraíonn le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin agus atá comhoiriúnach le cosaint agus le feabhsú an chomhshaoil, na tírdhreacha agus a gnéithe, acmhainní nádúrtha, agus na hithreach agus na héagsúlachta géinití. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar chaomhnú acmhainní géiniteacha sa talmhaíocht agus ar riachtanais bhreise na gcóras feirmeoireachta a bhfuil luach ard acu ó thaobh an dúlra de. Ba cheart do na hiocaíochtaí cuidiú le costais bhreise agus ioncam tarcaoilte mar thoradh ar an ngealltanais a rinneadh a chumhdach agus ba cheart nach gcumhdóidís ach gealltanais a théann níos faide ná na caighdeáin agus na riachtanais shainordaitheacha a bhaineann leo, i gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin nach n-eascródh cistiú cistiú dúbailte as fócaíochtaí le feirmeoirí faoin Rialachán seo

agus faoi Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 araon. Tarlaíonn sé i gcásanna go leor nuair a bhíonn gealltanais ag grúpa feirmeoirí i gcomhar le chéile go méadaíonn na sineirgí a bhíonn ann dá bharr sin an tairbhe don chomhshaoil agus don aeráid. Mar sin féin, gabhann costais bhreise idirbheartaíochta le gníomhaíochtaí comhpháirteacha ar cheart cúiteamh leordhóthanach a dhéanamh ina dtaobh. Ina theannta sin, chun a áirithiú go bhfuil sé ar chumas feirmeoirí agus bainisteoirí eile talún na gealltanais atá déanta acu a chur chun feidhme i gceart ba cheart do na Ballstáit féachaint chuige go dtabharfar dóibh na scileanna agus an t-eolas atá riachtanach.

Ba cheart do na Ballstáit leibhéal na n-iarrachtaí arna ndéanamh le linn chlárthréimhse 2007-2013 a chothabháil agus ba cheart go cuirfí de cheangal orthu 30 % ar a laghad de ranniócaíocht iomlán ó CETFT i leith gach cláir forbartha tuaithe a chaitheamh ar mhaolú ar athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, agus ar cheisteanna comhshaoil. Ba cheart caiteachas den sórt sin a dhéanamh trí íocaíochtaí agra-chomhshaoil-aeráide, íocaíochtaí feirmeoireachta orgánaí agus íocaíochtaí i leith limistéir a bhfuil srianta nádúrtha nó srianta sonracha eile ag bagairt orthu, trí íocaíochtaí i leith foraoiseachta, trí íocaíochtaí do limistéir Natura 2000, agus tacaíocht infheistíochta a bhaineann leis an aeráid agus an leis an gcomhshaoil.

- (23) Ba cheart go spreagfadh íocaíochtaí le feirmeoirí maidir le hathrú chuig an bhfeirmeoireacht orgánach nó cothú na feirmeoireachta orgánaí feirmeoirí chun páirt a ghlacadh i scéimeanna den sórt sin agus ar an gcaoi sin freagairt d'éileamh na sochaí atá ag méadú go mbainfí leas as cleachtais feirme atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil agus go mbeadh ardchaighdeán leasa ainmhithe ann. Chun sineirgí sa bhithéagsúlacht a mhéadú, ba cheart tairbhí a chuireann an beart feirmeoireachta orgánaí ar fail, conarthaí comhchoiteanna nó comhar idir feirmeoirí a spreagadh, a d'fhéadfadh a tairbhí limistéir chónagaracha níos leithne a chumhdach. Ba cheart tacaíocht a thabhairt do bhearta athraithe agus cothabhála chun a áirithiú nach bhfillfeadh líon mór feirmeoirí ar an bhfeirmeoireacht traidisiúnta. Ba cheart do na híocaíochtaí cuidiú chun costais bhreise a thabhaítear agus ioncam tarscaoilte de thoradh ar an gealltanais a chumhdach agus ba cheart nach gcumhdóidís ach gealltanais a théann níos faide ná na caighdeáin agus na ceanglais shainordaitheacha a bhaineann leo. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin nach n-eascródh cistiú dúbailte as íocaíochtaí le feirmeoirí faoin Rialachán seo agus faoi Rialachán Uimh. 1307/2013. Chun a áirithiú go n-úsáidfead acmhainní CETFT go héifeachtach, ba cheart tacaíocht a theorannú d'fheirmeoirí de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán Uimh. 1307/2013 iad.

- (24) Ba cheart leanúint de thacaíocht a dheonú d'fheirmeoirí agus do shealbhóirí foraoise chun aghaidh a thabhairt ar

na míbhuntáistí sonracha sna limistéir lena mbaineann de thoradh chur i bhfeidhm Threoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ agus Treoir 92/43/CEE ⁽²⁾ ón gComhairle chun tacú le bainistiú éifeachtach láithreán Natura 2000 agus ba cheart tacaíocht a chur ar fáil freisin d'fheirmeoirí le cabhrú maidir le míbhuntáistí i limistéir abhantracha a d'eascair as cur i bhfeidhm na Treorach Réime maidir le hUisce). Ba cheart go mbeadh an tacaíocht nasctha le ceanglais shonracha a bhfuil tuairisc orthu sa chlár forbartha tuaithe a théann thar na caighdeáin agus na ceanglais shainordaitheacha ábhartha. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin nach n-eascródh cistiú dúbailte as íocaíochtaí le feirmeoirí faoin Rialachán seo agus faoi Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit riachtanais shonracha limistéir Natura 2000 a chur san áireamh agus éirim ghinearálta a gclár forbartha tuaithe á socrú.

- (25) I gcás íocaíochtaí le feirmeoirí i limistéir sléibhe nó i limistéir eile a bhfuil constaicí nádúrtha nó constaicí sonracha eile ag bagairt orthu, ba cheart do na híocaíochtaí sin cuidiú le cothabháil na tuaithe agus le cothabháil agus cur chun cinn modhanna feirmeoireachta inbhuanaithe, trí spreagadh a thabhairt chun talamh talmhaíochta a úsáid go leanúnach. Chun a áirithiú go mbeidh íocaíochtaí tacaíochta den sórt sin éifeachtúil ba cheart iad a thabhairt d'fheirmeoirí mar chúiteamh ar chostais bhreise agus ioncam tarscaoilte a bhaineann le míbhuntáiste an limistéir lena mbaineann. Chun a áirithiú go n-úsáidfead acmhainní CETFT go héifeachtach, ba cheart tacaíocht a theorannú d'fheirmeoirí de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 iad.
- (26) Chun a áirithiú go n-úsáidfead cistí an Aontais go héifeachtach agus go dtabharfar cóir chomhionann d'fheirmeoirí ar fud an Aontais, ba cheart limistéir sléibhe agus limistéir a bhfuil srianta nádúrtha nó srianta sonracha eile ag bagairt orthu a shainiú i gcomhréir le critéir oibiachtúla. Ba cheart go mbeadh na critéir sin bithfhisiciúil i gcás na limistéir sin a bhfuil srianta nádúrtha ag bagairt orthu agus go mbeadh fianaise dhaingean eolaíoch mar thaca faoi na critéir sin. Ba cheart socrúithe idirthréimhseacha a ghlacadh chun éascú a dhéanamh ar dheireadh a chur, de réir a chéile, le híocaíochtaí sna limistéir sin nach measfar a thuilleadh gur limistéir iad a bhfuil srianta nádúrtha ag bagairt orthu mar thoradh ar chur i bhfeidhm na gcritéar seo.
- (27) Ba cheart leanúint d'fheirmeoirí a spreagadh ardchaighdeáin a ghlacadh maidir le leas ainmhithe trí thacaíocht a sholáthar d'fheirmeoirí a ghlacann caighdeáin maidir le feirmeoireacht ainmhithe a théann thar na caighdeáin shainordaitheacha ábhartha. Chun a áirithiú go n-úsáidfead acmhainní CETFT go héifeachtach, ba cheart tacaíocht a theorannú d'fheirmeoirí de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 iad.

⁽¹⁾ Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhíaine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

⁽²⁾ Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fíaine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

(28) Ba cheart leanúint de híocaíochtaí a dheonú le sealbhóirí foraoise a sholáthraíonn seirbhísí caomhnaithe foraoise atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil agus don aeráid trí ghealltanais a thabhairt maidir le feabhsú bithéagsúlachta, caomhnú éiceachóras ard-luacha foraoise, a n-acmhainneacht maolaithe agus oiriúnaithe don athrú aeráide a fheabhsú, agus treisiú a dhéanamh ar luach foraoisí i ndáil le creimeadh ithreach a chosc, acmhainní uisce a chothabháil agus guaiseacha nádúrtha a sheachaint. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aird faoi leith a thabhairt do chaomhnú agus do chur chun cinn acmhainní géiniteacha foraoise. Ba cheart go ndéanfaí íocaíochtaí i ndáil le gealltanais comhshaoil foraoise a théann níos faide ná na caighdeáin shainordaitheacha bhainteacha a leagtar síos sa dlí náisiúnta.

(29) Le linn chlárthréimhse 2007-2013 ba é an t-aon chineál comhair amháin ar tugadh tacaíocht dó go sainráite faoin mbeartas forbartha tuaithe comhar maidir le forbairt táirgí, teicneolaíochtaí agus próiseas nua in earnáil na talmhaíochta agus an bhia agus in earnáil na foraoiseachta. Tá tacaíocht le haghaidh an chineáil comhair sin riachtanach i gcónaí ach ba cheart í a chur in oiriúint chun freastal níos fearr ar riachtanais an gheilleagair eolasbhunaithe. Sa chomhthéacs sin, ba cheart go bhféadfaí maoiniú a thabhairt do thionscadail le hoibreoír amháin faoin mbeart sin, ar choinníoll go scaipfí na torthaí a gheofaí, agus go mbainfí amach sa chaoi sin an cuspóir maidir le cleachtais, próisis nó táirgí nua a scaipeadh. Ina theannta sin, tá sé soiléir anois má thacaítear le réimse níos leithne cineálacha comhair agus le raon níos leithne tairbhíthe, ó oibreoír níos lú go oibreoír níos mó, gur féidir cabhrú chun cuspóirí an bheartais forbartha tuaithe a bhaint amach trí chabhrú le hoibreoír i limistéir thuaithe na míbhuntáistí eacnamaíocha, comhshaoil agus eile a thig as ilroinnt a shárú. Dá bhrí sin, ba cheart an beart sin a leathnú. Ba cheart do thacaíocht d'oibreoír beaga chun próisis oibre i gcomhar le chéile a eagrú agus chun áiseanna agus acmhainní a úsáid le chéile cabhrú leo a bheith inmharthana ó thaobh an gheilleagair de in ainneoin iad a bheith ag obair ar scála beag. Ba cheart do thacaíocht do mhodhanna cothrománacha agus ingearacha comhair i measc gníomhaithe sa slabhra soláthair, chomh maith le gníomhaíochtaí a chur chun cinn i gcomhthéacsanna áitiúla feidhmiú mar chatalaíoch chun slabhraí soláthair gairide, margaí áitiúla agus slabhraí bia áitiúla a fhorbairt a bheadh réasúnta ó thaobh an gheilleagair de. Ba cheart do thacaíocht do chur chuige comhchoiteann maidir le tionscadail agus cleachtais chomhshaoil cabhrú chun tairbhí comhshaoil agus aeráide a sholáthar a bheadh níos comhsheasmhaí agus níos nána tairbhí sin a d'fhéadfadh oibreoírí aonair a chur ar fáil agus iad ag gníomhú beag beann ar dhaoine eile (mar shampla, trí chleachtais a chur i bhfeidhm ar limistéir neamhshaothraithe talún níos mó).

Ba cheart tacaíocht a sholáthar i bhfoirmeacha éagsúla. Tá braislí agus líonraí an-tábhachtach maidir le comhroinnt saineolais agus maidir le saineolas, seirbhísí agus táirgí a sholáthar atá speisialaithe agus nua. Uirlisí tábhachtacha iad treoirthionscadail chun infheidhmeacht

tráchtála na dteicneolaíochtaí, na dteicnící agus na gcleachtas a thástáil i gcomhthéacsanna éagsúla, agus iad a oiriúnú más gá. Gné ríthábhachtach iad grúpaí oibriúcháin den Chomhpháirtíocht Eorpach um Nuáil ("CEN") maidir le táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht talmhaíochta. Gléas thábhachtach eile iad straitéisí forbartha áitiúla a fheidhmíonn lasmuigh de chreat forbartha áitiúil LEADER - idir gníomhaithe poiblí agus príobháideacha ó limistéir thuaithe agus uirbeacha araon. Murab ionann agus a bhíonn faoi chur chuige LEADER, is féidir a leithéid de chomhpháirtíochtaí agus de straitéisí a bheith teoranta d'earnáil amháin nó d'aidhmeanna forbartha a bheadh réasúnta sonrach, lena n-áirítear iad siúd atá luaite thuas. Tá an deis ag Ballstáit tosaíocht a thabhairt don chomhar i measc eintiteas a bhaineann le príomhtháirgeoirí. Ba cheart go mbeadh eagraíochtaí idir bhrainte incháilithe chun tacaíocht a fháil faoin mbeart seo. Ba cheart go mbeadh tacaíocht den sórt sin teoranta do thréimhse seacht mbliana ach amháin i gcás comhghníomhaíochta comhshaoil agus aeráide i gcásanna a bhfuil údar cuí leo.

(30) Bíonn níos mó rioscaí eacnamaíochta agus comhshaoil ag bagairt ar fheirmeoirí sa lá atá inniu ann de bharr athraithe aeráide agus an mhéadaithe atá tagtha ar luaineacht praghsanna. Tá bainistiú éifeachtach rioscaí níos tábhachtaí d'fheirmeoirí anois sa chomhthéacs seo. Ba cheart, dá bharr sin, beart bainistithe riosca a chur ar bun chun cuidiú le feirmeoirí dul i ngleic leis na rioscaí is coitianta a bhíonn ag bagairt orthu. Dá bhrí sin, ba cheart don bheart sin cabhrú le feirmeoirí na préimheanna a íocann siad chun árachas barraí, ainmhithe agus plandaí a fháil a chumhdach, agus go gcumhdódh sé freisin ceapadh cistí frithpháirteacha agus an cúiteamh a íocann a leithéid de chistí d'fheirmeoirí de bharr cailleanais a fhulaingíonn siad de dhroim teagmhas díobhálach aeráide, ráigeanna de ghalar ainmhithe nó plandaí, foirgeacht le lotnaidí nó teagmhais comhshaoil. Ba cheart go n-áirítear leis an mbeart freisin uirlis cobhsaithe ioncaim a i bhfoirm ciste fhriothpháirtigh le tacú le feirmeoirí nuair a bheadh titim mór le teacht ar a n-ioncam. Chun a áirithiú go bhfaigheann feirmeoirí cóireáil chomhionann l ar fud an Aontais, nach saobhtar an iomaíocht, agus go dtugtar urraim d'oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, ba cheart coinníollacha sonracha a chur ar fáil maidir le tacaíocht a dheonú faoi na bearta seo. Chun a áirithiú go n-úsáidfear acmhainní CETFT go héifeachtach, ba cheart tacaíocht a theorannú d'fheirmeoirí de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.

(31) Tá sé cruthaithe thar roinnt blianta ag cur chuige LEADER maidir le forbairt áitiúil gur cur chuige éifeachtach é maidir le cur chun cinn fhorbairt na limistéar tuaithe agus bíonn an toradh sin air toisc gur cur chuige ó bhun aníos atá ann a chuireann san áireamh go hiomlán na riachtanais il-earnála le haghaidh fhorbairt inginiúil na tuaithe. Dá bhrí sin ba cheart leanúint de LEADER sa todhchaí agus é a bheith éigeantach é a chur i bhfeidhm maidir le clár forbartha tuaithe ar leibhéal náisiúnta agus/nó ar leibhéal réigiúnach.

- (32) Ba cheart go gcumhdófaí freisin leis an tacaíocht a thugann CETFT d'fhorbairt áitiúil LEADER tionscadail chomhair idir grúpaí i mBallstát nó tionscadail comhair thrasnáisiúnta idir grúpaí i roinnt mhaith Ballstát nó tionscadail chomhair idir grúpaí i mBallstát agus i tríú tíortha.
- (33) Chun a chumasú do chompháirítithe i limistéir tuaithe nach ndéanann LEADER a chur i bhfeidhm go fóill straitéis forbartha áitiúil a thástáil agus ullmhú a dhéanamh dá dearadh agus dá cur chun feidhme, ba cheart "trealamh tosaithe LEADER" a mhaoiniú chomh. Níor cheart go mbeadh tacaíocht coinníollach ar straitéis forbartha áitiúla a bheith curtha isteach.
- (34) Bíonn infheistíochtaí coiteann in go leor de na bearta forbartha tuaithe faoin Rialachán seo agus féadfaidh siad baint a bheith acu le hoibríochtaí atá an-éagsúil. Chun a áirithiú go mbeidh soiléireacht ann maidir le cur chun feidhme na n-oibríochtaí sin, ba cheart rialacha comhchoiteanna áirithe a leagan síos i gcomhair gach infheistíochta. Ba cheart a shainmhíniú sna comhrialacha sin na cineálacha caiteachais ar féidir breathnú orthu mar chaiteachas infheistíochta agus a áirithiú nach dtugtar tacaíocht ach do na hinfeistíochtaí a chruthaíonn luach nua sa talmhaíocht agus do na hinfeistíochtaí sin amháin. Chun cur i bhfeidhm na dtionscadal infheistíochta a éascú, ba cheart go mbeadh an deis ag Ballstáit airleacain a íoc. Lena áirithiú go mbeidh tionchar éifeachtach, cothrom agus inbhuanaithe ag cúnaimh CETFT, ba cheart rialacha a leagan síos lena áirithiú go mbeidh infheistíochtaí a bhaineann le hoibríochtaí buan agus nach n-úsáidtear tacaíocht CETFT chun iomaíocht a shaobhadh.
- (35) Ba cheart go mbeadh sé indéanta go dtacódh CETFT le hinfeistíochtaí maidir le huisciú chun leas an gheilleagair agus an chomhshaoil, ar choinníoll go áiritheofaí go mbeadh an t-uisciú sin inbhuanaithe. níor cheart, i ngach cás, dá bharr sin, tacaíocht a thabhairt ach má tá plan bainistithe abhantraí i bhfeidhm don limistéar lena mbaineann mar a cheanglaítear faoin Treoir Réime maidir le hUisce, agus má tá méadrú uisce i bhfeidhm cheana ar leibhéal na hinfeistíochta nó má chuirtear i bhfeidhm é mar chuid den infheistíocht. Ba cheart go dtiocfadh méadú íosta in éifeachtúlacht uisce, a léireofar mar shábháil uisce a d'fhéadfadh a bheith ann, as infheistíochtaí chun an bonneagar uiscithe nó an trealamh uiscithe atá ann cheana a fheabhsú. Má tá an dohtarlach, a bhfuil tionchar ag an infheistíocht air, faoi strus ar chúiseanna a bhaineann le cainníocht uisce mar a leagtar amach í sa chreat anailíseach a bhunaítear leis an Treoir Réime maidir le hUisce, ba cheart leath den mhéadú in éifeachtúlacht uisce a aistriú go laghdú iarbhrí in úsáid uisce ar leibhéal na hinfeistíochta tacaíthe, d'fhonn an strus a laghdú ar an dohtarlach lena mbaineann. Ba cheart cásanna áirithe a leagan amach áit nach féidir nó nach bhfuil gá le feidhm a bheith ag na ceanglais maidir le sábhálacha éifeachtacha nó féideartha maidir le huisce a bheith i bhfeidhm, lena n-áirítear ceanglais a bhaineann le hinfeistíochtaí in athchúrsáil nó in athúsáid uisce. Anuas ar thacú le hinfeistíochtaí sa trealamh atá ann faoi láthair a fheabhsú, ba cheart foráil do thacaíocht CETFT le hinfeistíochtaí in uisciú nua faoi réir thorthaí na hanailíse ar an gcomhshaoil. Seachas i gcásanna áirithe, bacheart tacaíocht a thabhairt don uisciú nua i gcás ina bhfuil an dohtarlach a bhfuil tionchar air faoi strus cheana féin, i bhfianaise an bhaoil mhóir a bheadh ann dá dtabharfaí tacaíocht sna cásanna sin, go gcuirfeadh sé le fadhbanna comhshaoil atá ann cheana.
- (36) I gcás beart áirithe faoin Rialachán seo a bhaineann le limistéir ní mór do na tairbhíthe gealltanais a thabhairt a mhairfidh ar feadh cúig bliana ar a laghad. Le linn na tréimhse sin, tá an fheidhíocht ann go dtiocfaidh athruithe ar staid an ghabháilais nó ar staid an tairbhí. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha a leagan síos chun amn méid is ceart a dhéanamh sna cásanna sin a chinneadh.
- (37) Le bearta áirithe faoin Rialachán seo, déantar tacaíocht coinníollach arna tairbhíthe ag tabhairt gealltanais a rachadh thar bonnlíne ábhartha a shainítear i dtéarmaí caighdeán nó ceanglas sainordaitheach. I bhfianaise na n-athruithe a d'fhéadfadh teacht ar an dlí i rith thréimhse na ngealltanais agus a dhéanfadh modhnú ar an mbonnlíne, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le hathbhreithniú na gconarthaí lena mbaineann chun a áirithiú go gcomhlíonfar an coinníoll sin i gcónaí.
- (38) Chun a áirithiú go n-úsáidfear acmhainní airgeadais le haghaidh forbartha tuaithe ar an mbealach is fearr agus is féidir agus chun díriú ar bhearta faoi chlár forbartha tuaithe atá i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe ach le ráthú freisin go gcaithfear go cothrom le hiarratasóirí, ba cheart do na Ballstáit critéir roghnúcháin a leagan síos chun tionscadail a roghnú. Níor cheart go mbeadh eisceacht ar an riail seo ach le haghaidh íocaíochtaí faoin aeráid agra-chomhshaoil, faoin bhfeirmeoireacht orgánach, Natura 2000 agus faoin Treoir Réime maidir le hUisce, limistéir a bhfuil srianta nádúrtha nó srianta sonracha eile ag bagairt orthu, leas ainmhithe, seirbhísí comhshaoil foraoise agus aeráide agus bearta a bhaineann le bainistíocht riosca. Nuair atá na critéir roghnúcháin á gcur i bhfeidhm ba cheart méid na hoibríochta a chur san áireamh i gcomhréir le prionsabal na comhshaoil.
- (39) Ba cheart do CETFT tacaíocht a thabhairt, trí chúnamh teicniúil, do ghníomhartha a bhaineann le cur chun feidhme clár forbartha tuaithe, lena n-áirítear costais a bhaineann le cosaint na siombailí agus na ngiorrúcháin a bhaineann le scéimeanna cáilíochta de chuid an Aontais le haghaidh rannpháirtíochta inar féidir tacaíocht a dheonú faoin Rialachán seo agus costais na mBallstát maidir le teorannú limistéar a bhfuil srianta nádúrtha ag bagairt orthu.

- (40) Tá sé cruthaithe ag líonrú na líonraí, na n-eagraíochtaí agus an lucht riaracháin náisiúnta a raibh baint acu le céimeanna éagsúla de chur chun feidhme an chláir, a eagraíodh i gcomhthéacs an ghréasáin Eorpaigh um fhorbairt tuaithe, gur féidir leo ról an-tábhachtach a bheith acu ó thaobh fheabhsú cáilíochta na gclár forbartha tuaithe trí rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a mhéadú i rialachas na forbartha tuaithe chomh maith le faisnéis a scaipeadh i measc an phobail níos leithne faoi na buntáistí a bhaineann leis. Dá bhrí sin, ba cheart an líonrú a mhaoiniú ar leibhéal an Aontais mar chuid den chúnaimh teicniúil. Chun aird a thabhairt ar riachtanais shonracha na meastóireachta, ba cheart acmhainn meastóireachta Eorpach um fhorbairt tuaithe a chur ar bun mar chuid den ghréasán Eorpach don fhorbairt tuaithe chun na gníomhaithe go léir atá páirteach a thabhairt le chéile agus sa bhealach sin malartú saineolais a éascú sa réimse sin.
- (41) Ba cheart do CEN do tháirgiúlacht agus inbhuanaitheacht talmhaíochta cuidiú chun cuspóirí Eoraip 2020 maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuíomhach a bhaint amach. Tá sé tábhachtach go dtabharfar le chéile na gníomhaithe ábhartha uile ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, agus tuairimí nua á chur os comhair na mBallstát aige maidir le bealaí chun ionstraimí agus tionscnaimh atá ann cheana féin a chuicíoiriú, a shimpliú agus a chomhordú níos fearr agus chun iad a chomhlánú le gníomhartha nua i gcás inar gá.
- (42) Chun cabhrú chun aidhmeanna CEN (Comhpháirtíocht Eorpach um Nuáil) a bhaint amach maidir le táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht talmhaíochta, ba cheart gréasán CEN a chur ar bun chun líonrú a dhéanamh ar ghrúpaí oibríocháin, ar sheirbhísí comhairleacha agus ar thaighdeoirí a bhfuil baint acu le cur chun feidhme gníomhaíochtaí ina ndíreofar ar nuálaíocht sa talmhaíocht. Ba cheart é a mhaoiniú ar leibhéal an Aontais mar chuid den chúnaimh teicniúil.
- (43) Ba cheart do Bhallstáit cuid de mhéid iomlán gach clár forbartha tuaithe a chur ar leataobh i gcomhair cúnaimh theicniúil d'fhonn maoiniú a thabhairt do bhunú agus d'fheidhmiú gréasáin náisiúnta tuaithe a thabharfaidh le chéile eagraíochtaí agus lucht riaracháin a bhfuil baint acu le forbairt tuaithe, lena n-áirítear CEN, a bhfuil sé d'aidhm acu a rannpháirtíocht i gcur chun feidhme an chláir a mhéadú agus feabhas a chur ar cháilíocht na gclár forbartha tuaithe. Chun na críche sin, ba cheart do ghréasáin náisiúnta tuaithe plean gníomhaíochta a ullmhú agus a chur chun feidhme.
- (44) Ba cheart do chlár forbartha tuaithe foráil a dhéanamh do gníomhaíochtaí nuálacha a chuireann earnáil na talmhaíochta chun cinn a bheadh éifeachtúil ó thaobh acmhainní de, a bheadh táirgiúil agus a mbeadh astuithe ísle aici, le tacaíocht ón CEN do tháirgiúlacht agus inbhuanaitheacht talmhaíochta. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag an CEN réitigh nuálacha a
- thrasú níos tapúla agus níos forleithne sa chleachtas. Ba cheart don CEN breisluach a chruthú trí fheabhas a chur ar roghnú agus ar éifeachtacht ionstraimí a bhaineann le nuálaíocht agus na sineirgí eatarthu a fheabhsú. Ba cheart don CEN na bearnaí a líonadh trí thaighde agus feirmeoireacht phraiticiúil a nascadh le chéile ar bhealach níos fearr.
- (45) Ba cheart do ghrúpaí oibríocháin tionscadail nuálaíochta maidir le táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht talmhaíochta a chur chun feidhme i gcomhthéacs CEN lena dtabharfaí le chéile feirmeoirí, bainisteoirí foraoisí, pobail tuaithe, taighdeoirí, comhairleoirí ENRanna, gnóthais agus gníomhaithe eile ar spéis leo nuálaíocht san earnáil talmhaíochta. Chun a áirithiú go rachaidh torthaí tionscadal den sórt sin chun tairbhe na hearnála ina hiomláine, ba cheart na torthaí a scaipeadh i réimse an mhalaírte nuálaíochta agus eolais san Aontas agus le tríú tíortha.
- (46) Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le cinneadh a dhéanamh faoi mhéid iomlán de thacaíocht an Aontais maidir le forbairt tuaithe faoin Rialachán seo don tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020, i gcomhréir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil don tréimhse ó 2014 go 2020. Ba cheart go ndéanfaí na leithreasáil a bheidh ar fáil a innéacsú ar bhonn ráta comhréidh i gcomhair clársceidealú.
- (47) Chun bainistiú chistí CETFT a éascú, ba cheart ráta ranníocaíochta aonair a shocrú do EAFRD maidir le clársceidealú forbartha tuaithe i ndáil lecaiteachas poiblí sna Ballstáit. Chun aird a thabhairt ar a dtábhacht nó ar a nádúr ar leith, ba cheart rátaí ranníocaíochta ar leith a shocrú maidir le cineálacha áirithe oibríochtaí. Chun maolú a dhéanamh ar na srianta ar leith atá ann de thoradh an leibhéil forbartha, iargúlta nó toisc iad a bheith ina n-oileáin, ba cheart ráta cuí ranníocaíochta CETFT a shocrú i gcomhair na réigiún tearcforbartha agus na réigiún is forimeallaí dá dtagraítear i CFAE agus i gcomhair na n-oileán Aigeach is lú, agus i gcomhair na réigiún trasdula.
- (48) Ba cheart do na Ballstáit gach beart is gá a ghlacadh chun a áirithiú go bhfuil a gcuid beart forbartha tuaithe infhíoraithe agus inrialaithe lena n-áirítear forálacha leordhóthanacha a chur ar bun. Chun na críche sin, ba cheart don Ghníomhaireacht Bainistíochta agus don Údarás Íocaíochta measúnú ex-ante a chur ar fáil agus a ghabháil de lámh chun measúnú a dhéanamh ar bhearta le linn chur chun feidhme an chláir. Ba cheart bearta nach gcomhlíonann an coinníoll sin a choigeartú.
- (49) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit gach beart is gá a dhéanamh chun bainistiú fóna na gclár forbartha tuaithe a áirithiú. Sa chomhthéacs seo, ba cheart don Choimisiún bearta agus rialuithe leordhóthanacha a dhéanamh agus ba cheart do na Ballstáit bearta a ghlacadh chun feidhmiú fóna a gcórais bainistithe a ráthú.

- (50) Ba cheart d'Údarás Bainistíochta amháin a bheith freagrach as bainistiú agus cur chun feidhme gach clár forbartha tuaithe. Ba cheart a chuid dualgas a shonrú sa Rialachán seo. Ba cheart don Údarás Bainistíochta a bheith in ann cuid dá dhualgais a tharmligean agus freagracht a choinneáil as éifeachtúlacht agus as ceartais an bhainistithe. I gcás ina mbeidh fochlár théamacha mar chuid de chlár forbartha tuaithe, ba cheart don Údarás Bainistíochta a bheith in ann comhlacht eile a ainmniú chun an fochlár sin a bhainistiú agus a chur chun feidhme i ndáil leis na leithdháilí airgeadais a bheidh aitheanta dó sa chlár agus a áirithiú go ndéanfar bainistiú fóna airgeadais ar na fochláir sin. Nuair atá níos mó ná clár amháin le bainistiú ag Ballstát, is féidir comhlacht comhair a bhunú chun comhleanúnachas a áirithiú.
- (51) Ba cheart faireachán a dhéanamh go rialta ar gach clár forbartha tuaithe chun súil a choinneáil go rialta ar chur chun feidhme an chláir agus ar an dul chun cinn atá á dhéanamh i dtreo spriocanna bunaithe an chláir. Maidir le tionach agus éifeachtacht agus gníomhaíochtaí faoi CETFT a thaispeáint agus a fheabhsú, tá sé ag brath freisin ar mheastóireacht iomchuí le linn ullmhú agus chur chun feidhme agus tabhairt chun críche cláir, ba cheart dá bhrí sin don Choimisiún agus do na Ballstáit i gcomhpháirt le chéile córas faireacháin agus meastóireachta a chur ar bun chun dul chun cinn an bheartais forbartha tuaithe a léiriú agus chun a thionchar agus a éifeachtúlacht a mheasúnú.
- (52) Chun a áirithiú gur féidir faisnéis a chomhiomlánú ar leibhéal an Aontais, ba cheart sraith comhtháscairí a bheith mar chuid den chóras faireacháin agus meastóireachta sin. Ba cheart faisnéis thábhachtach maidir le cur chun feidhme na gclár forbartha tuaithe a thairbhí agus a chothabháil go leictreonach chun comhiomlánú sonraí a éascú. Ba cheart, dá bhrí sin, go n-iarrfaí ar thairbhí an oiread faisnéise sin is lú atá riachtanach a sholáthar le haghaidh faireacháin agus meastóireachta.
- (53) Ba cheart an fhreagracht as faireachán a dhéanamh ar an gclár a roinnt idir an tÚdarás Bainistíochta agus Coiste Faireacháin a chuirfear ar bun chun na críche sin. Ba cheart é a bheith de chúram ar an gCoiste Faireacháin an faireachán a dhéanamh ar a éifeachtúlacht is a chuirfear an clár chun feidhme. Chuige sin, ba cheart a fhreagrachtaí a shonrú.
- (54) Ba cheart é a bheith i gceist le faireachán a dhéanamh ar an gclár go n-ullmhófaí tuarascáil bhliantúil ar an gcur chun feidhme atá le cur chuig an gCoimisiúin.
- (55) Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar gach clár forbartha tuaithe chun a cháilíocht a fheabhsú agus chun a bhfuil bainte amach a léiriú.
- (56) Ba cheart go mbeadh feidhm ag Airteagal 107, Airteagal 108 agus ag Airteagal 109 CFAE maidir le tacaíocht a thabhairt do na bearta forbartha tuaithe faoin Rialachán seo. Mar sin féin, i bhfianaise saintréithe earnáil na talmhaíochta, níor cheart go mbeadh feidhm ag na forálacha sin de chuid CFAE maidir leis na bearta forbartha tuaithe i ndáil le hoibríochtaí a thagann faoi raon feidhme Airteagal 42 CFAE, a dhéantar faoin Rialachán seo agus i gcomhlíonadh an Rialacháin seo, chomh maith leis na híocaíochtaí arna ndéanamh ag na Ballstáit, lena mbeartaítear maoiniú breise náisiúnta a sholáthar d'oibríochtaí forbartha tuaithe a dtugtar tacaíocht ón Aontas dóibh, agus a thagann faoi raon feidhme Airteagal 42 CFAE.
- (57) Lena chois sin, d'fhonn comhchuibheas a áirithiú leis na bearta forbartha tuaithe atá incháilithe chun tacaíocht a fháil ón Aontas agus chun nósanna imeachta a shimpliú, i gcás íocaíochtaí a dhéanann na Ballstáit, a bhfuil sé d'aidhm acu maoiniú breise náisiúnta a sholáthar le haghaidh oibríochtaí forbartha tuaithe ar deonaíodh tacaíocht an Aontais dóibh agus a thagann faoi raon feidhme Airteagal 42 CFAE, ba cheart iad a chur san áireamh sa chlár forbartha tuaithe le measúnú agus le formheas i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo. Chun a áirithiú nach gcuirtear maoiniú breise náisiúnta chun feidhme ach amháin má tá sé údaraithe ag an gCoimisiún, ba cheart go gcoiscfí ar an mBallstát lena mbaineann an maoiniú breise atá beartaithe le haghaidh forbartha tuaithe a chur i bhfeidhm go dtí go mbeidh sé formheasta. Maidir le híocaíochtaí arna ndéanamh ag Ballstáit lena mbeartaítear maoiniú breise náisiúnta a sholáthar d'oibríochtaí forbartha tuaithe a ndéanfaítear tacaíocht ón Aontas ina leith agus atá lasmuigh de raon feidhme Airteagal 42 CFAE, ba cheart iad a chur i bhfios don Choimisiún de bhun Airteagal 108(3) CFAE, mura rud é go dtagann siad faoi rialachán, arna ghlacadh de bhun Rialachán 944/98 ⁽¹⁾ ón gComhairle, agus ba cheart go gcoiscfí ar Bhallstáit iad a chur i bhfeidhm go dtí go ndéanann an Coimisiún an nós imeachta sin um fhógra a thabhairt a fhormheas go críochnaitheach.
- (58) Ba cheart córas leictreonach faisnéise a bhunú chun sonraí comhleasa a mhalartú ar bhealach a bheidh slán agus éifeachtúil agus chun príomhfaisnéis a thairbhí, a choinneáil agus a bhainistiú agus chun tuairiscíú ar fhairesachán agus ar mheastóireacht.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 994/98 ón gComhairle an 7 Bealtaine 1998 maidir le hAirteagal 92 agus Airteagal 93 (anois Airteagal 107 agus Airteagal 108 faoi seach) den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach a chur i bhfeidhm i dtaca le catagóirí áirithe Státchabhrach cothromaí (IO L 142, 14.05.1998, lch. 1).

- (59) Ba cheart go mbeadh feidhm ag dlí an Aontais maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus saorghluaiseacht na sonraí sin, go háirithe Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ agus Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾.
- (60) Chun eilimintí áirithe neamhriachtanacha den Rialachán seo a fhorlíonadh nó a leasú, ba cheart an chumhacht a tharmligeann chuig an gCoimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE. Tá tábhacht ar leith leis go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe. Agus gníomhartha tarmligthe á ullmhú agus á dtarraingt suas, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go ndéantar na doiciméid ábhartha a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.
- (61) Ba cheart go chumhdófaí leis an gcumhachtú sin: na coinníollacha faoina measfar duine dlítheanach mar fheirmeoir óg agus tréimhse cairde a shocrú chun scileanna ceirde a fháil, ré agus ábhar scéimeanna malartaithe feirme agus malartaithe foraoisí agus cuairteanna ar fhoraoisí; ba cheart go chumhdófaí leis freisin scéimeanna sonracha an Aontais faoi Airteagal 17(1)(a) agus tréithe na ngrúpaí táirgeora agus na cineálacha gníomhaíochta a fhéadfaidh tacaíocht a fháil faoi mhír 2 d'Airteagal 17, mar aon le coinníollacha a shocrú chun saobhadh iomaíochais chun idirdhealú táirgí a chosc agus chun brandaí tráchtála a eisiamh ó thacaíocht a fháil.
- (62) Chomh maith leis sin, ba cheart go chumhdófaí leis an gcumhachtú sin: an méid ábhair is lú a nglacfar leis i bpleananna gnó agus na critéir atá le húsáid ag na Ballstáit chun na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 19(4) a shocrú; sainmhíniú ar na ceanglais íosta maidir leis an gcomhshaol chun coillearnach a fhoraoisiú agus a chruthú; na coinníollacha is infheidhme maidir le gealltanais agra-comhshaoil-aeráide chun an fheirmeoireacht bheostoic a leathnú, mar aon le póirthe áitiúla a thógáil a bhfuil an baol ann go gcaillfead don fheirmeoireacht iad nó acmhainní géiniteacha plandaí atá i mbaol creimeadh géiniteach a chaomhnú mar aon leis an sainmhíniú ar oibríochtaí incháilithe chun acmhainní géiniteacha a chaomhnú, a úsáid go hinbhuanaitheach agus a fhorbairt; an modh ríomha a úsáidfead chun cistiú faoi dhó a sheachaint maidir leis na cleachtais dá dtagraítear in Airteagal 43 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 don agra-chomhshaoil-aeráide, don fheirmeoireacht orgánach, do bhearta faoi Natura 2000 agus do bhearta faoin Treoir Réime Uisce; sainmhíniú ar na limistéir ina dtabharfaidh gealltanais maidir le leas ainmhithe caighdeán uasghrádaithe ó thaobh modhanna táirgthe de; cineál na n-oibríochtaí incháilithe le haghaidh tacaíocht a fháil faoin gcaomhnú agus acmhainní géiniteacha foraoise a chur chun cinn agus an sonraíocht ar shaintréithe na dtreoirhionscadal, na mbraislí, na ngréasán, na slabhraí soláthair gairide agus na margáí áitiúla a bheidh incháilithe chun tacaíocht a fháil faoin mbeart comhairchomh maith leis na coinníollacha chun cabhair a dheonú do na cineálacha oibríochta a liostaítear faoin mbeart sin;
- (63) Thairis sin, ba cheart go chumhdófaí leis an gcumhachtú sin: íostréimhse agus uastréimhse na n-iasachtaí tráchtála le cistí frithpháirteacha faoin mbainistíocht riosca faoin Rialachán seo; na coinníollacha faoina bhféadfaí na costais a bhaineann le conarthaí léasaithe nó trealamh athlámhse a mheas mar chaiteachas incháilithe agus an sainmhíniú ar na cineálacha bonneagair don fhuinneamh inathnuaite atá incháilithe le haghaidh infheistíochta; na coinníollacha is infheidhme i leith chomhshó nó choigeartú na ngealltanais faoi na bearta dá dtagraítear in Airteagal 28, 29, 33 agus 34, mar aon le cásanna eile a shainiú nach mbeidh aisiocaíocht na cabhrach de dhíth ina leith. Ba cheart go chumhdófaí leis freisin: an t-athbhreithniú ar na huasteorainneacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I na coinníollacha faoina bhféadfaí tacaíocht atá formheasta ag an gCoimisiún faoi Rialachán (AE) Uimh. 1698/2005 a lánpháirtíú le tacaíocht dá bhforáiltear faoin Rialachán seo, lena n-áirítear le haghaidh cúnaimh theicniúil agus na meastóireachtaí ex-post, chun an trasdul a éascú ón gcóras a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 chuig an gcóras a bhunófar leis an Rialachán seo. Chun Conradh Aontachais Phoblacht na Cróite a chur san áireamh, ba cheart go gcumhdódh na gníomhartha tarmligthe sin freisin, i gcás na Cróite, an trasdul ó thacaíocht d'fhorbairt tuaithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1085/2006 ⁽³⁾ ón gComhairle, nuair is gá.
- (64) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún, a bhaineann le hábhar na gclár forbartha tuaithe agus le hábhar na gclár náisiúnta, formheas na gclár agus leasuithe orthu, na nósanna imeachta agus na tráthchláir chun na cláir a fhorbairt, na nósanna imeachta agus na tráthchláir maidir le leasuithe ar chlár agus ar chreat náisiúnta a fhorbairt, lena n-áirítear a dteacht i bhfeidhm agus minicíocht an tíolachta, rialacha maidir le modhanna íocaíochta do chostais na rannpháirtithe i dtaca le gníomhaíochtaí aistrithe eolais agus faisnéise, coinníollacha sonracha maidir le cur chun feidhme beart forbartha tuaithe, rialacha maidir le struchtúr agus oibríocht na ngréasán a bhunófar leis an Rialachán seo, ceanglais faisnéise agus poiblíochta, an córas faireacháin agus meastóireachta a ghlacadh, agus na rialacha maidir le hoibriú an chórais faisnéise, agus rialacha maidir le cur i láthair na dtuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme. Ba cheart na cumhachtaí sin

(1) Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 281, 23.11.1995, lch. 31).

(2) Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

(3) Rialachán (CE) Uimh. 1085/2006 ón gComhairle an 17 Iúil 2006 lena mbunaítear Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA), IO L 170, 29.6.2007, lch. 1.

a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.

- (65) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus thug sé tuairim an 14 Nollaig 2011 ⁽²⁾.
- (66) De dheasca na práinne a bhaineann le cur chun feidhme rianúil na bearta a bheartaítear a ullmhú, ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm ar lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (67) Tá an scéim tacaíochta nua dá bhforáiltear sa Rialachán seo á cur in áit na scéime tacaíochta a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 a aisghairm.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

TEIDEAL I

CUSPÓIRÍ AGUS STRAITÉIS

CAIBIDIL I

Ábhar agus Sainmhínithe

Airteagal 1

Ábhar

1. Sa Rialachán seo, leagtar síos na rialacha ginearálta lena rialaítear tacaíocht an Aontais don fhorbairt tuaithe, a mhaoinítear leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe ("CETFT") a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013; Leagtar amach ann na cuspóirí sin lena rannchuideofar leis an mbeartas forbartha tuaithe agus ar thosaíochtaí ábhartha an Aontais maidir le forbairt tuaithe; Tugtar breac-chuntas ann ar an gcomhthéacs straitéiseach maidir le beartas forbartha tuaithe; tugtar sainmhíniú ar ghníomhartha atá le glacadh d'fhonn an beartas forbartha tuaithe a chur i bhfeidhm. Leagtar síos ann na rialacha maidir le clársceidealú, le líonrú, le bainistíocht, le faireachán agus le meastóireacht ar bhonn freagrachtaí a roinntear idir na Ballstáit agus an Coimisiún agus na rialacha lena n-áiríthítear comhordú CETFT le hionstraimí eile an Aontais.

2. Leis an Rialachán seo comhlánaítear forálacha Chuid a Dó de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ⁽³⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

⁽²⁾ IO C 35, 9.2.2012 lch. 1

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle. (Féach leathanach 549 den Iris Oifigiúil seo).

Airteagal 2

Sainmhínithe

1. Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag nasainmhínithe ar "clár", "oibríocht", "tairbhí", "straitéis forbartha áitiúla atá faoi stiúir an phobail", "caiteachas poiblí", "FBManna", "oibríocht chríochnaithe", agus "ionstraimí airgeadais" mar a leagtar síos iad nó dá dagraítear i bpointe (a) agus pointe (b) d'Airteagal 90(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

Fairis sin, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) ciallaíonn "clársceidealú" an próiseas maidir le heagrú, cinnteoireacht agus na hacmhainní airgeadais a leithdháileadh de réir céimeanna éagsúla i bpáirt leis na comhpháirtithe arb é an aidhm atá ann gníomhaíocht chomhpháirteach an Aontais agus na mBallstát a chur chun feidhme, ar bhonn ilbhliantúil, chun tosaíochtaí an Aontais i ndáil le forbairt tuaithe a bhaint amach.
- (b) ciallaíonn "réigiún" aonad críochach a fhreagraíonn do leibhéal 1 nó 2 d'Ainmníocht na n-aonad críochach le haghaidh staidrimh (NUTS leibhéal 1 agus 2) de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ⁽⁴⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;
- (c) ciallaíonn "beart" sraith oibríochtaí a thacaíonn le ceann amháin nó níos mó de thosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe;
- (d) ciallaíonn "ráta tacaíochta" ráta na ranníocaíochta poiblí d'oibríocht;
- (e) 'costas idirbhirt': ciallaíonn "costas idirbhirt" costas sa bhreis a bhaineann le gealltanais a chomhlíonadh, ach nach bhfuil inchurtha go díreach leis na costais bhreise nó leis an ioncam ligthe ar ceal a bhfaightear cúiteamh ina leith go díreach agus gur féidir a ríomh ar bhonn costas caighdeánach;
- (f) ciallaíonn "limistéar talmhaíochta" aon limistéar atá in úsáid mar thalamh arúil, mar fhéarthailte buan a agus mar fhéarach buan nó le haghaidh barr buan mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013;
- (g) ciallaíonn "cailteanas eacnamaíochta" aon chostas breise arna thabhtú ag feirmeoir mar thoradh ar bhearta eisceachtúla arna nglacadh ag an bhfeirmeoir chun soláthar ar an margadh lena mbaíneann a laghdú nó aon chailteanas suntasach táirgeachta;
- (h) ciallaíonn "teagmhas díobhálach aeráide" an aimsir, amháil sioc, stoirmeacha agus clocha sneachta, oighear, báisteach throm nó triomach dian a d'fheadfadh a bheith ina cuid de thubaiste nádúrtha;

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le rangú coiteann d'aonaid chríochacha ar mhaithe le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).

- (i) ciallaíonn "galair ainmhithe" galair atá luaite sa liosta galar ainmhithe a bhunaítear ag an Eagraíocht Domhanda um Shláinte Ainmhithe nó san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2009/470/CE ón gComhairle ⁽¹⁾;
- (j) ciallaíonn "teagmhas comhshaoil" imeacht sonrath trína dtarlaíonn éilliú, truailliú, nó díghrádú do cháilíocht an chomhshaoil a bhaineann le teagmhas ar leith agus a bhfuil raon feidhme geografach teoranta aiciach ní chuimsíonn sé rioscaí ginearálta comhshaoil nach bhfuil baint acu le hócáid ar leith, amhail athrú aeráide nó truailliú an atmaisféir;
- (k) ciallaíonn "tubaiste nádúrtha" teagmhas a tharlaíonn go nádúrtha de chineál bitheach nó aibitheach as a dtagann suaití ar chórais táirgthe talmhaíochta nó ar struchtúir foraoisí, a bheadh ina chúis faoi dheoidh le dochar suntasach eacnamaíoch d'earnálacha na talmhaíochta nó na foraoiseachta;
- (l) ciallaíonn "teagmhas turraingeach" teagmhas gan choinne de chineál bitheach nó aibitheach a tharlaíonn de thoradh gníomhaíocht dhaonna de chineál bitheach nó aibitheach as a thagann suaití ar chórais táirgthe talmhaíochta nó ar struchtúir foraoisí, a bheadh ina chúis le dochar suntasach eacnamaíoch d'earnálacha na feirmeoireachta nó na foraoiseachta;
- (m) "slabhra soláthair gairid": ciallaíonn slabhra soláthair ghairide lena mbaineann líon teoranta oibreoirí eacnamaíocha, atá tiomanta do chomhar, d'fhorbairt eacnamaíoch áitiúil, agus do dlúthchaidreamh geografach agus sóisialta idir táirgeoirí, próiseálaithe agus tomhaltóirí;
- (n) ciallaíonn "feirmeoir óg" duine nach bhfuilníos mó ná 40 bliain d'aois aige ag an am a chuirtear isteach an t-iarratas, a bhfuil scileanna ceirde agus inniúlacht leordhóthanach aige agus atá á chur féin ar bun don chéad uair i ngabháltas talmhaíochta mar cheann an ghabháltais sin;
- (o) ciallaíonn "cuspóirí téamacha" na cuspóirí téamacha arna sainiú in Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.
- (p) ciallaíonn an "Comhchreat Straitéiseach" ('CCS') an Comhchreat Straitéiseach dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh 1303/2013;
- (q) ciallaíonn "braisle" grúpáil de ghnóthais neamhspleácha, lena n-áirítear gnóthais nuathionscanta, bheaga, mheánmhéide agus mhóra mar aon le comhlachtaí comhairliúcháin agus nó eagraíochtaí taighde - agus a dheartar chun gníomhaíocht eacnamaíoch/núálach a spreagadh trí idirghníomhaíocht dhian a chur chun cinn, áiseanna a roinnt agus eolas agus saineolas a mhalartú agus trí rannchuidiú le faisnéis a thraschur, le líonrú agus le faisnéis a scaipeadh i measc na ngnóthas sa bhraisle ar bhealach éifeachtach;

⁽¹⁾ Cinneadh 2009/470/CE an 25 Bealtaine 2009 maidir le caiteachas i réimse na tréidliachta (IO L 155, 18.6.2009, lch. 30).

- (r) ciallaíonn "foraois" limistéar talún lena gcuimsítear níos mó ná 0,5 heictear ar a bhfuil crainn níos airde ná 5 mhéadar agus clúdach téastair níos mó ná 10 faoin gcéad, nó crainn atá in ann na tairseacha sin a bhaint amach in situ agus ní chuimsítear talamh léi atá, den chuid is mó, faoi úsáid talmhaíocha nó faoi úsáid mar thalamh uirbeach, faoi réir mhír 1a.

2. Féadfaidh Ballstát sainmhíniú ar fhorois a chur i bhfeidhm nach é an sainmhíniú i bpointe (r) de mhír 1, a bheidh bunaithe ar an dlí náisiúnta atá ann cheana nó ar chóras fardail. Soláthróidh na Ballstáit nó na réigiúin sainmhíniú den sórt sin sa chlár forbartha tuaithe.

3. D'fhonn cur chuige comhleanúnach a áirithiú sa bhealach ina láimhseáiltear tairbhíthe agus an gá atá ann le tréimhse oiriúnaithe a chur san áireamh, maidir leis an sainmhíniú ar fheirmeoir óg a leagtar síos i mír 1(n)tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 83 maidir leis na coinníollacha faoina measfar duine dlítheanach mar 'fheirmeoir óg', agus tréimhse chairde a shocrú chun scileanna ceirde a fháil.

CAIBIDIL II

Misean, cuspóirí, tosaíochtaí agus comhsheasmhacht

Airteagal 3

Misiún

Cuirfidh CETFT le an straitéis Eoraip 2020 trí fhorbairt inbhuanaithe tuaithe a chur chun cinn ar fud an Aontais ar bhealach a chomhlánaíonn ionstraimí eile an chomhbheartais talmhaíochta CBT, an beartas ar chomhtháthaithe agus an comhbheartas iascaigh. Cuideoidh sé le hearnáil talmhaíochta san Aontas a fhorbairt a bheidh níos cothromaithe ó thaobh críche agus comhshaoil de, níos neamhdhíobhálaí don aeráid agus níos athléimní, níos iomaíche agus níos nuálaí. Rannchuideoidh sé freisin le críocha tuaithe a fhorbairt.

Airteagal 4

Cuspóirí

Laistigh de chreat foriomlán CBT, cabhróidh an tacaíocht a thabharfar d'fhorbairt tuaithe, lena n-áirítear do ghníomhaíochtaí in earnáil an bhia, san earnáil neamhbhia agus san fhoroiseacht, le baint amach na gculpóirí seo a leanas:

- (a) iomaíochas na talmhaíochta a chothú;
- (b) bainistiú inbhuanaithe a áirithiú ar acmhainní nádúrtha, agus gníomhaíocht ar son na haeráide;
- (c) forbairt chríochach chothromaithe a bhaint amach ar gheilleagair tuaithe agus ar chomhphobail tuaithe lena n-áirítear fostaíocht a chruthú agus a choinneáil.

Airteagal 5

Tosaíochtaí Eorpacha um fhorbairt tuaithe

Déanfar na cuspóirí maidir le forbairt tuaithe, a chuidíonn leis an straitéis Eoraip 2020 maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, a bhaint amach trí na sé thosaíocht seo a leanas, ar thosaíochtaí de chuid an Aontais maidir le forbairt tuaithe iad, a chuimsíonn Cuspóirí Téamacha CCS:

- (1) aistriú eolais agus nuálaíocht sa talmhaíocht, san fhoraoiseacht agus i limistéir thuaithe a chothú, ag díriú ar na réimsí seo a leanas:
 - (a) an nuáil, an comhar agus forbairt an bhoinn eolais a chothú i limistéir thuaithe;
 - (b) na naisc idir an talmhaíocht, táirgeadh bia agus an fhoraoiseacht agus an taighde agus an nuálaíocht a neartú, lena n-áirítear chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar an gcomhshaol agus chun go mbeidh feidhmíocht níos fearr ó thaobh an chomhshaoil de ann;
 - (c) foghlaim ar feadh an tsaoil agus gairmoiliúint in earnálacha na talmhaíochta agus na foraoiseachta a chothú.
- (2) cur le hinmharthanacht feirmeacha agus le hiomaíochas gach cineál talmhaíochta i ngach réigiún agus teicneolaíochtaí nuálaíochta feirmeacha a chur chun cinn, ag díriú ar na réimsí seo a leanas:
 - (a) cur le feidhmíocht eacnamaíoch na bhfeirmeacha uile agus athstruchtúrú agus nuachóiriú feirmeacha a éascú, go sonrach d'fhonn cur le rannpháirtíocht agus le treoshuíomh an mhargaidh mar aon le héagsúlú talmhaíochta;
 - (b) éascú a dhéanamh ar fheirmeoirí atá oile a ndóthain a bheith ag dul isteach in earnáil na feirmeoireachta agus go háirithe athnuachan glúine.
- (3) eagrúchán biashlabhra, lena n-áirítear táirgí talmhaíochta a phróiseáil agus a mhargú, leas na n-ainmhithe agus bainistíocht riosca sa talmhaíocht a chur chun cinn, ag díriú ar na réimsí seo a leanas:
 - (a) cur lena iomaíche atá táirgeoirí tosaigh trína lánpháirtiú níos fearr san agra-bhiashlabhra trí scéimeanna cáilíochta, trí luach a chur le táirgí talmhaíochta, trí chur chun cinn i margáil áitiúla agus ciorcad soláthair gairid, grúpaí agus eagraíochtaí do tháirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe;
 - (b) tacú le riosca feirme a chosc agus a bhainistiú.
- (4) éiceachórais a bhaineann leis an talmhaíocht agus leis an bhforaoiseacht a athshlánú, a bhuanú agus cur leo, ag díriú ar na réimsí seo a leanas:
 - (a) bithéagsúlacht agus riocht thírdhreacha na hEorpa lena n-áirítear i limistéir Natura 2000, limistéir a bhfuil bacainní nádúrtha nó bacainní sonracha eile ag baint leo agus feirmeoireacht a bhfuil ardluach ó thaobh an dúlra uirthi, a athshlánú, a chaomhnú agus a fheabhsú;
 - (b) feabhas a chur ar bhainistiú uisce, lena n-áirítear bainistiú leasacháin agus lotnaicídí;
 - (c) creimeadh ithreach a chosc agus feabhas a chur ar bhainistiú ithreach.
- (5) éifeachtúlacht acmhainní agus an t-athrú go geilleagar ísealcharbóin agus atá athléimneach ó thaobh aeráide de a chur chun cinn in earnálacha na talmhaíochta agus an bhia agus in earnáil na foraoiseachta, ag díriú ar na réimsí seo a leanas:
 - (a) éifeachtúlacht úsáide uisce sa talmhaíocht a mhéadú;
 - (b) éifeachtúlacht úsáide fuinnimh sa talmhaíocht agus sa phróiseáil bia a mhéadú;
 - (c) soláthar agus úsáid acmhainní in-athnuaite fuinnimh, seachtháirgí, cineálacha dramhaíola agus iarmhair agus amhábhair neamhbhíola eile a éascú chun críocha an bhithghéilleagair;
 - (d) astaíochtaí gáis cheaptha teasa agus amóinia ón talmhaíocht a laghdú;
 - (e) caomhnú agus ceapadh carbóin sa talmhaíocht agus san fhoraoiseacht a chothú;
- (6) cuimsiú sóisialta, laghdú bochtaineachta agus forbairt eacnamaíoch i limistéir thuaithe a chur chun cinn, ag díriú ar na réimsí seo a leanas:
 - (a) éagsúlú a éascú, fiontair bheaga a chruthú agus a fhorbairt agus cruthú post;
 - (b) forbairt áitiúil i limistéir thuaithe a chothú;
 - (c) feabhas a chur le hinrochtaineacht, úsáid agus cáilíocht teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) i limistéir thuaithe.

Cuirfidh na tosaíochtaí sin go léir le cuspóirí trasnaí maidir le nuálaíocht, comhshaol agus maolú ar athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin. Féadfar aghaidh a thabhairt ar níos lú ná sé tosaíocht má tá bonn cirt leo bunaithe ar anailís ar láidreachtaí, laigí, deiseanna, bagairtí ("SWOT") agus ar mheastóireacht ex ante. Tabharfar aghaidh ar cheithre tosaíocht ar a laghad i ngach clár. Nuair a chuirfidh Ballstát clár náisiúnta agus sraith de chláir réigiúnacha isteach, féadfar aghaidh a thabhairt ar níos lú ná ceithre tosaíocht leis an gclár.

Féadfar réimsí tosaíochtaí eile a áireamh i gcláir d'fhonn iarracht a dhéanamh ceann de na tosaíochtaí a bhaint amach má tá sé inchosanta agus intomhaiste.

TEIDEAL II

CLÁRSCEIDEALÚ

CAIBIDIL I

Ábhar an Chlársceidealaithe

Airteagal 6

Clár limistéar tuaithe

1. Gníomhóidh CETFT sna Ballstáit trí chláir forbartha tuaithe. Cuirfear chun feidhme leis na cláir sin straitéis forbartha tuaithe chun tosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe a chomhlíonadh trí shraith beart mar a shainítear i dTeideal III í. Is ó CETFT a lorgófar tacaíocht chun na cuspóirí maidir le forbairt tuaithe arna saothrú trí tosaíochtaí de chuid an Aontais, a bhaint amach.

2. Féadfaidh Ballstát clár aonair dá chríoch iomlán nó sraith de chláir réigiúnacha, nó i gcásanna a mbeidh bonn cirt cuí leo, clár náisiúnta agus sraith de chláir réigiúnacha a chur isteach. Má chuireann Ballstát clár náisiúnta agus sraith de chláir réigiúnacha isteach, déanfar bearta agus/nó cineálacha oibriúcháin a chlársceidealú ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach, agus déanfar comhleanúnachas idir straitéisí na gclár náisiúnta agus na gclár réigiúnach a áirithiú.

3. Féadfaidh na Ballstáit a bhfuil cláir réigiúnacha acu creat náisiúnta ina bhfuil gnéithe comónta do na cláir sin gan leithdháileadh buiséadach ar leith a chur isteach dá fhorfhéas i gcomhréir le hAirteagal 10(2).

Sna creatáí náisiúnta de chuid na mBallstát sin a bhfuil cláir réigiúnacha acu, féadfar tábla a bheith iontu lena ndéantar achoimriú, de réir réigiúin agus de réir bliana, ar an ranníocaíocht iomlán ó CETFT don Bhallstát lena mbaineann don chláirréimhse iomlán.

Airteagal 7

Fochláir théamacha

1. Agus é mar aidhm rannchuidiú le tosaíochtaí forbartha tuaithe an Aontais a bhaint amach, féadfaidh na Ballstáit

fochláir théamacha a áireamh ina gcuid clár forbartha tuaithe, ar fochláir iad lena dtugtar aghaidh ar riachtanais shonracha. Féadfaidh na fochláir théamacha sin a bheith ag baint, inter alia, leis an méid a leanas:

- (a) feirmeoirí óga;
- (b) feirmeacha beaga mar a dtagraítear dóibh sa tríú fohmír de Airteagal 20(2);
- (c) limistéir sléibhe mar a dtagraítear dóibh in Airteagal 33(2);
- (d) slabhraí soláthair gairide;
- (e) mná i gceantair thuaithe;
- (f) maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin agus an bithéagsúlacht.

Leagtar amach liosta tascach beart agus cineálacha oibríochta a bhfuil ábharthacht áirithe ag baint leo do gach fochlár téamach in Iarscríbhinn IV.

2. Féadfar aghaidh a thabhairt sna fochláir théamacha ar riachtanais shonracha a bhaineann le hathstruchtúirí earnálacha na talmhaíochta a bhfuil tionchar suntasach acu ar fhorbairt limistéir thuaithe shonraigh.

3. Féadfar na rátaí tacaíochta a leagtar síos in Iarscríbhinn II a mhéadú de 10 bpointe céatadán de bhreis i gcás oibríochtaí arna dtacú i gcreat na bhfochlár téamach maidir le feirmeacha beaga agus slabhraí soláthair gairide, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin agus bithéagsúlacht. I gcás feirmeoirí óga agus limistéar sléibhe, féadfar na huasrátaí tacaíochta a mhéadú i gcomhréir le hIarscríbhinn II. Mar sin féin, ní sháróidh an t-uasráta tacaíochta comhcheangailte 90 %.

Airteagal 8

Ábhar na gclár forbartha tuaithe

1. Sa bhreis ar na heilimintí dá dtagraítear in Airteagal 27 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, áireofar i ngach limistéar tuaithe:

- (a) an mheastóireacht ex ante dá dtagraítear in Airteagal 55 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013;
- (b) anailís SWOT ar an gcás agus sainaitheint na riachtanas a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu sa limistéar geografach atá clúdaithe leis an gclár.

Déanfar an anailís a struchtúirí thart ar tosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe. Déanfar measúnú ar riachtanais shonracha maidir leis an gcomhshaol, maolú ar athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin agus an nuálaíocht thar tosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe, d'fhonn freagairtí ábhartha a shainaitheint sna trí réimse sin ar leibhéal gach tosaíochta;

- (c) tuairisc ar an straitéis lena léireofar an méid a leanas:
- (i) leagtar síos spriocanna iomchuí do gach ceann de limistéar éiceolaíocht-díríthe thosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe a áirítear sa chlár, ar bhonn comhtháscairí dá dtagraítear in Airteagal 69, agus i gcás inar gá, ar bhonn táscairí is sonrach don chlár;
 - (ii) go roghnaítear teaglamaí iomchuí beart maidir le gach ceann de shainréimsí thosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe a áirítear sa chlár, bunaithe ar loighic fhónta idirghabhála agus tacaíthe ag an meastóireacht ex ante dá dtagraítear i bpointe (a) agus ón anailís dá dtagraítear i bpointe (b);
 - (iii) go bhfuil bonn cirt le leithdháileadh acmhainní airgeadais ar bhearta an chláir agus go bhfuil siad leormhaith chun na spriocanna arna leagan amach a chur i gcrích;
 - (iv) go gcuirtear riachtanais shonracha nasctha le coinníollacha shonracha ar leibhéal réigiúnach nó foréigiúnach san áireamh agus tugtar aghaidh go nithiúil orthu trí theaglamaí beart nó fochlár téamach arna gceapadh go leormhaith;
 - (v) go ndéanfar a chomhtháthú sa chlár cur chuige iomchuí i ndáil le nuálaíocht d'fhonn tosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe a bhaint amach, lena n-áirítear CEN do tháirgiúlacht agus d'infhuanaitheacht talmhaíochta, maidir leis an gcomhshaol, lena n-áirítear riachtanais shonracha limistéir Natura 2000, agus maidir leis an athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú;
 - (vi) gur glacadh bearta chun a áirithiú go bhfuil cumas leordhóthanach comhairligh ann maidir leis na ceanglais rialála agus maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an nuáil;
- (d) do gach coinníollacht ex-ante, a bhunófar i gcomhréir le hAirteagal 19, agus le Cuid 2 d'arscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 do na coinníollachtaí ginearálta ex-ante, agus i gcomhréir le harscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo, measúnú cé acu de na coinníollachtaí ex-ante a bheidh infheidhme maidir leis an gclár agus cé acu a bheidh á gcomhlíonadh faoi dháta tíolachta an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus an chláir. I gcás nach mbeidh na coinníollachtaí ex-ante á gcomhlíonadh, beidh cur síos sa chlár ar na gníomhaíochtaí a bheidh le cur i gcrích, mar aon leis na comhlachtaí a bheidh freagrach agus tráthchlár le haghaidh gníomhachtaí den sórt sin i gcomhréir leis an achoimre a thíolacfar sa Chomhaontú Comhpháirtíochta.
- (e) cur síos ar an gcreat feidhmíochta a bhunaítear chun críche Airteagal 21 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013;
- (f) tuairisc ar gach beart a roghnaítear;
- (g) an plean meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 56 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013. Cuirfidh na Ballstáit dóthain acmhainní ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais a sainaitníodh agus chun faireachán ceart agus meastóireacht cheart a áirithiú;
- (h) plean maoinithe a chuimseoidh an méid seo a leanas:
- (i) tábla ina leagtar amach, i gcomhréir le hAirteagal 64(4), ranníocaíocht iomlán CETFT atá beartaithe do gach bliain. Nuair is infheidhme léireofar sa tábla sin ar leithligh laistigh de ranníocaíocht iomlán CETFT na leithreasáí dá bhforáiltear do na réigiúin thearcfhorbartha agus na cistí arna n-aistriú chuig CETFT i gcur chun feidhme Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013. Beidh ranníocaíocht bheartaithe bhliantúil CETFT comhoiriúnach leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil;
 - (ii) tábla ina leagtar amach, do gach beart, do gach cineál oibríochta le ráta sonrach ranníocaíochta CETFT agus do chúnamh teicniúil, ranníocaíocht bheartaithe iomlán an Aontais agus ráta infheidhme ranníocaíochta CETFT. Nuair is infheidhme, léireofar sa tábla sin ar leithligh ráta ranníocaíochta CETFT do réigiúin thearcfhorbartha agus do réigiúin eile;
- (i) plean táscaire a mhiondealaítear ina sainréimsí, ina gcuimseofar na spriocanna dá dtagraítear i bpointe (i) d'Airteagal 8(1)(c) agus na haschuir a bheartaítear agus an caiteachas a bheartaítear do gach beart forbartha tuaithe a roghnaítear i ndáil le sainréimse comhfhreagrach;
- (j) nuair is infheidhme, tábla ar mhaoiniú breise náisiúnta in aghaidh an bhirt i gcomhréir le hAirteagal 82;
- (k) nuair is infheidhme, liosta na scéimeanna cabhrach a thig faoi Airteagal 81(1) atá le húsáid do chur chun feidhme na gclár;
- (l) faisnéis ar chomhlántacht an chláir forbartha tuaithe le bearta arna maoiniú ag ionstraimí eile an chomhbheartais talmhaíochta, agus trí na Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta Eorpacha ("ESI");
- (m) socruithe chun cláir a chur chun feidhme, lena n-áirítear:
- (i) go n-ainmneoidh an Ballstát na húdaráis uile dá dtagraítear in Airteagal 65(2) agus, i gcomhair faisnéise, tuairisc achomair ar struchtúr bainistíochta agus rialaithe gach údaráis acu sin;
 - (ii) tuairisc ar na nósanna imeachta faireacháin agus meastóireachta, mar aon le comhdhéanamh an Choiste Faireacháin;
 - (iii) na forálacha lena áirithiú go bpoiblítear an clár, lena n-áirítear tríd an ngréasán náisiúnta tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 54;
 - (iv) tuairisc ar an gcur chuige lena leagtar síos prionsabail agus maidir le critéir roghnúcháin a shocrú do thionscadail agus do straitéisí d'fhorbairt áitiúil, a chuireann spriocanna ábhartha san áireamh: sa chomhthéacs sin féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh do thosaíocht a thabhairt do FBManna a bhfuil baint acu le hearnáil na talmhaíochta nó na foraoiseachta.

- (v) maidir le forbairt áitiúil, i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar na meicníochtaí lena n-áiríteofar comhleán-únachas idir ghníomhaíochtaí atá beartaithe faoi straitéisí forbartha áitiúla, an beart "um Chomhar" dá dtagraítear in Airteagal 35, agus an beart maidir le "Seirbhísí bunúsacha agus athnuachan sráidbhaile i limistéir thuaithe" dá dtagraítear in Airteagal 20 lena n-áirítear naisc uirbeacha-tuaithe;
- (n) na gníomhaíochtaí atá curtha i gcrích chun go bhfuil na comhpháirtithe sin dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán Uimh. 1303/2013 rannpháirteach agus achoimre ar ar thorthaí an chomhairliúcháin leis na comhpháirtithe;
- (o) nuair is infheidhme, struchtúr an Ghréasáin Náisiúnta Tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 54(3), agus forálacha dá bhainistíocht, arbh ionann é agus bonn a phleananna gníomhaíochta bliantúla.
2. I gcás ina n-áirítear fochláir théamacha i gclár forbartha tuaithe, áireofar i ngach fochlár:
- (a) anailís shonrach ar an gcás bunaithe ar mhodheolaíocht SWOT agus sainathint na riachtanas a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu de réir fochláir;
- (b) spriocanna sonracha ar leibhéal fochláir agus rogha beart, bunaithe ar shainiú críochnúil loighic idirghabhála an fhochláir, lena n-áirítear measúnú ar ranníocaíocht ionchasach na mbeart arna roghnú chun na spriocanna a bhaint amach;
- (c) plean táscaire sonrach ar leith, mar aon le haschuir bheartaithe agus caitechas beartaithe gach birt forbartha tuaithe ar leith a roghnaítear i ndáil le sainréimse comhfhreagrach.

3. Déanfaidh an Coimisiún ghníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha do chur i láthair na ngnéithe dá dtuairiscítear i mír 1 agus i mír 2 i gclár forbartha tuaithe agus d'ábhar na gcreataí náisiúnta sin dá dtagraítear in Airteagal 6(3). Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 84.

CAIBIDIL II

Clár forbartha tuaithe a ullmhú, a fhorpheas agus a mhodhnú

Airteagal 9

Coinníollachtaí ex ante

I dteannta na gcoinníollachtaí ginearálta ex ante, dá dtagraítear i gCuid II d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, beidh feidhm ag na coinníollachtaí ex ante dá dtagraítear in Iarscríbhinn V den Rialachán seo maidir le

clársceidealú CETFT, más ábhartha agus infheidhme i ndáil leis na cuspóirí sonracha a bheidh le saothrú de réir thosaíochtaí an chláir.

Airteagal 10

Na cláir forbartha tuaithe a fhorpheas

1. Cuirfidh na Ballstáit togra faoi bhráid an Choimisiúin do gach clár forbartha tuaithe, ina mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8.

2. Formheasfaidh an Coimisiún gach clár forbartha tuaithe trí bhíthin gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 91.

Airteagal 11

Na cláir forbartha tuaithe a fhorpheas

Formheasfar iarratais ó Bhallstáit chun cláir a leasú i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leanas:

(a) Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin ghníomhartha cur chun feidhme, cinneadh ar iarratais ar chláir a leasú maidir leis na nithe seo a leanas:

(i) athrú ar straitéis an chláir trí athrú níos mó na 50 % in aon táscaire toraidh atá nasctha le sainréimse;

(ii) athrú ar ráta ranníocaíochta CETFT de bheart amháin nó níos mó;

(iii) athrú ar ranníocaíocht iomlán an Aontais nó ar a leithdháileadh bliantúil ar leibhéal an chláir;

(b) I ngach cás eile ina bhfaigheann an Coimisiún iarratais ó Bhallstáit maidir leis na cláir a leasú, agus, go háirithe, maidir le:

(i) tabhairt isteach nó aistarraingt beart nó cineálacha oibríochta;

(ii) athruithe ar thuairisc na mbeart, lena n-áirítear athruithe ar choinníollacha incháilitheachta.

(iii) aistriú cistí idir bearta a cuireadh chun feidhme faoi rátaí éagsúla ranníocaíochta CETFT;

Chun críche pointí (b)(i) agus (ii) agus pointe (b)(iii) afách nuair is lú ná 20 % den leithdháileadh an t-aistriú airgid agus nuair is lú ná 5 % iomlán ranníocaíocht CETFT leis an gclár, measfar é a bheidh formheasta mura bhfuil cinneadh glactha ag an gCoimisiún maidir leis an iarratas tar éis thréimhse 42 lá oibre ó fháil an iarratais. Ní áireofar sa tréimhse sin an tréimhse a thosóidh ar an lá i ndiaidh an dáta a gcuirfidh an Coimisiún a chuid barúlacha chuig an mBallstát agus a chríochnóidh an lá mbeidh freagra tugtha ag an mBallstát ar na barúlacha.

(c) I gcomhair ceartúchán de chineál eagarthóireachta nó cléireachais amháin nach ndéanann difear do chur chun feidhme an bheartais ná do chur chun feidhme na mbeart, ní gá cead a fháil ón gCoimisiún.

Airteagal 12

Rialacha maidir le nósanna imeachta agus le tráthchláir

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos rialacha maidir le nósanna imeachta agus tráthchláir don mhéid seo a leanas:

- (a) na cláir forbartha tuaithe agus na creataí náisiúnta a fhorghnas;
- (b) cur isteach agus formheas moltaí do leasuithe ar chlár forbartha tuaithe agus do thograí agus do leasuithe ar chreataí náisiúnta, lena n-áirítear a dteacht i bhfeidhm agus a mhinicí agus a chuirtear isteach iad le linn na clárthréimhse.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 84.

TEIDEAL III

TACAÍOCHT D'FHORBAIRT TUAITHE

CAIBIDIL I

Bearta

Airteagal 13

Bearta

Clárófar gach beart forbartha tuaithe chun cur go sonrach le baint amach tosaíochta amháin nó níos mó ón Aontas maidir le forbairt tuaithe. Tá liosta tásach beart a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo do thosaíochtaí an Aontais leagtha amach in Iarscríbhinn VI.

Airteagal 14

Aistriú eolais agus gníomhaíochtaí faisnéise

1. Cumhdóidh tacaíocht faoin mbeart seo gníomhaíochtaí gairmoiliúna agus éadála scileanna, gníomhaíochtaí taispeántais agus gníomhaíochtaí faisnéise. Féadfaidh gníomhaíochtaí gairmoiliúna agus éadála scileanna cúrsaí oiliúna, ceardlanna agus oiliúnú a áireamh.

Le tacaíocht, féadfar malartú gearrthéarma bainistithe feirme agus bainistithe foraoisí a chumhdach mar aon le cuairteanna ar fheirmeacha agus ar fhoraoisí freisin.

2. Rachaidh tacaíocht faoin mbeart seo chun sochair daoine atá fostaithe in earnáil na talmhaíochta, an bhia agus na foraoise, bainisteoirí talún agus gníomhaithe eacnamaíoch eile ar FBManna atá ag feidhmiú i limistéir thuaithe.

An soláthraí gníomhaíochta oiliúna nó aistrithe eile eolais agus faisnéise a bheidh mar thairbhí na tacaíochta.

3. Ní áireoidh tacaíocht faoin mbeart seo cúrsaí teagaisc ná oiliúna, ar cuid de ghnáthchláir nó de ghnáthchórais oideachais ar leibhéal meánscoile nó níos airde iad.

Beidh na cumais iomchuí i bhfoirm cáilíochtaí foirne agus oiliúnt rialta chun an tasc seo a chur i gcrích ag comhlachtaí a chuireann seirbhísí aistrithe eolais agus faisnéise ar fáil.

4. Beidh costais a bhaineann le heagrú agus le seachadadh na gníomhaíochta aistrithe eolais nó faisnéise ar na costais incháilithe faoin mbeart seo. I gcás tionscadal taispeántais, féadfaidh an tacaíocht costais ábhartha infheistíochta a chumhdach freisin. Beidh costais taistil, cóiríochta agus speansais cothaithe laethúil na rannpháirtithe mar aon le costas athsholáthair feirmeoirí incháilithe le haghaidh tacaíochta freisin. Íocfar na costais ar fad a aithneofar faoin mír seo leis an tairbhí.

5. D'fhonn a áirithiú go mbeidh scéimeanna malairte feirmeacha agus foraoisí agus cuairteanna ar fheirmeacha agus ar fhoraoisí indealaithe go soiléir ó gníomhartha cosúla faoi scéimeanna eile Aontais, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 83 maidir le ré agus ábhar scéimeanna malairte feirmeacha agus foraoisí agus maidir le cuairteanna ar fheirmeacha agus ar fhoraoisí.

6. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos rialacha maidir le módúlachtaí íocaíochta do chostais na rannpháirtithe, lena n-áirítear trí dhearbháin nó foirmeacha eile den sórt sin a úsáid.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 84.

Airteagal 15

Seirbhísí comhairle, seirbhísí bainistithe feirme agus seirbhísí faoisimh feirme

1. Deonófar tacaíocht faoin mbeart seo chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) cabhrú le feirmeoirí, feirmeoirí óga mar a shainmhínítear iad sa Rialachán seo, le sealbhóirí foraoisí, bainisteoirí eile talún agus le FBManna i limistéir thuaithe tairbhe a bhaint as seirbhísí comhairleacha um fheabhsú fheidhmiú eacnamaíoch agus comhshaoil chomh maith le neamhdhíobhálacht don aeráid agus athléimneacht ina taobh a ngabháltais nó a bhíontair;

- (b) bunú seirbhísí bainistíochta feirme, seirbhísí faoisimh feirme agus seirbhísí comhairleacha feirme, chomh maith le seirbhísí comhairleacha foraoiseachta a chur chun feidhme, lena n-áirítear an Córas Comhairleach Feirme dá dtagraítear in Airteagail 12 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013;
- (c) oiliúint comhairleoirí a chur chun cinn.
2. Soláthraí na comhairle nó na hoiliúna a bheidh mar thairbhí na tacaíochta atá tugtha i mír 1(a) agus (c). Deonófar tacaíocht faoi mhír 1(b) don údarás nó don chomhlacht roghnaithe chun an tseirbhís bainistíochta feirme, an tseirbhís faoisimh feirme, an tseirbhís chomhairleach feirme nó an tseirbhís chomhairleach foraoiseachta a bhunú.
3. Beidh na hacmhainní iomchuí ag na húdaráis nó ag na comhlachtaí roghnaithe chun comhairle a thabhairt i bhfoirm foirne cáilithe a gcuirtear oiliúint go rialta orthu agus beidh taithe chomhairleach acu agus beidh siad iontaofach maidir leis na réimsí a dtugann siad comhairle ina leith. Roghnófar na tairbhí faoin mbeart seo trí ghlaonna ar thairiscintí. Beidh an nós imeachta roghnaithe faoi rialú an dlí soláthair phoiblí agus beidh comhlachtaí poiblí agus príobháideacha araon incháilithe dó. Beidh sé oibiachtúil agus déanfar iarrthóirí a mbeidh coinbhleachtaí leasa ag baint leo a eisiamh leis.
- Agus comhairle á tabhairt, déanfaidh seirbhísí comhairleacha na hoibleagáidí neamhnócha dá dtagraítear in Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 a urramú.
4. Nascfar comhairle d'fheirmeoirí aonair, d'fheirmeoirí óga mar a shainmhínítear iad sa Rialachán seo agus do bhainisteoirí eile talún le tosaíocht amháin ar a laghad ón Aontas maidir le forbairt tuaithe agus cumhdófar inti ceann amháin de na gnéithe seo a leanas ar a laghad:
- (a) oibleagáidí ar leibhéal na feirme a eascraíonn as na ceanglais reachtúla bainistíochta do dhálaí maithe talmhaíochta agus comhshaoil dá bhforáiltear i gCaibidil I de Theideal VI de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013;
- (b) i gcás inar infheidhme, na cleachtais talmhaíochta is tairbhíúil don aeráid agus don chomhshaoil mar a leagtar síos i gCaibidil 3 de Theideal III de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 agus cothabháil an limistéir talamhaíochta dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 4(1) Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013;
- (c) bearta ar leibhéal na feirme dá bhforáiltear sna cláir forbartha tuaithe arb é is aidhm dóibh nuachóiriú feirmeacha, feabhsú iomaíochais, lánpháirtiú earnálacha, an nuálaíocht agus treocht an mhargaidh mar aon leis an bhfiontraíocht a chur chun cinn;
- (d) ceanglais mar a shainmhíníonn na Ballstáit le haghaidh chur chun feidhme Airteagal 11 (3) den Treoir Réime maidir le hUisce;
- (e) ceanglais mar a shainmhíníonn na Ballstáit iad le haghaidh chur chun feidhme Airteagal 55 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, go háirithe comhlíonadh na bprionsabal ginearálta maidir le srianadh comhtháite lotnaidí dá dtagraítear in Airteagal 14 de Threoir 2009/128/CE; nó
- (f) nuair is iomchuí, caighdeáin sábháilteachta ceirde nó caighdeáin sábháilteachta a bhaineann leis an bhfeirm;
- (g) comhairle shonrach d'fheirmeoirí atá ag bunú den chéad uair.
- Féadfar saincheistanna eile a chumhdach faoi chomhairle freisin agus go háirithe an fhaisnéis a bhaineann le maolú ar an athrú aeráide agus le hoiriúnú don athrú sin, leis an mbithéagsúlacht agus le cosaint uisce mar a leagtar síos í in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 nó saincheistanna a bhfuil baint acu le feidhmiú eacnamaíoch nó feidhmiú comhshaoil maidir leis an ngabháltas talmhaíochta lena náirítear gnéithe a bhaineann le hiomaíochas. Féadfar comhairle a áireamh anseo chun slabhraí soláthair gairide a fhorbairt, mar aon leis an bhfeirmeoireacht orgánach agus le cúrsaí sláinte a bhaineann le feirmeoireacht ainmhithe.
5. Cumhdófar le comhairle do shealbhóirí foraoiseachta na hoibleagáidí ábhartha faoi Threoracha 92/43/CEE, 2009/147/CE, 92/43/CEE agus an Treoir Réime maidir le hUisce ar a laghad. Féadfaidh sí saincheistanna a chumhdach freisin a bhaineann le feidhmiú eacnamaíoch agus comhshaoil an ghabháltais foraoiseachta.
6. Féadfaidh comhairle d'fhiontair bheaga agus d'fhiontair mheánmhéide saincheistanna a chumhdach a bhaineann le feidhmiú eacnamaíoch agus comhshaoil an fhiontair.
7. I gcás ina mbeidh bonn cirt cuí leis agus inarb iomchuí, féadfar comhairle a thabhairt go páirteach i ngrúpa, agus cásanna úsáideoir aonair na seirbhísí comhairleacha san áireamh.
8. Beidh an tacaíocht faoi phointe (a) agus faoi phointe (c) de mhír 1 teoranta do na híosmhéideanna a leagtar síos in Iarscríbhinn II. Beidh tacaíocht faoi phointe (b) de mhír 1 cúlghairdeach thar uastréimhse cúig bliana ón mbunú.

Airteagal 16

Scéimeanna Cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta agus earraí bia

1. Cumhdófar sa tacaíocht faoin mbeart seo rannpháirtiú nua feirmeoirí agus grúpa feirmeoirí leis an méid a leanas:

- (a) scéimeanna cáilíochta a bhunaítear faoi na Rialacháin agus faoi na forálacha a leanas:

- (i) Rialachán (AE) 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾
- (ii) Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ⁽²⁾;
- (iii) Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾;
- (iv) Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ⁽⁴⁾ ón gComhairle;
- (v) Cuid II, Teideal II, Caibidil I, Roinn 2 de Rialachán (AE) Uimh. 13082013 ón gComhairle a mhéad a bhaineann sé le fíon.
- (b) scéimeanna cáilíochta, lena n-áirítear scéimeanna deimhniúcháin d'fheirmeacha, do tháirgí talmhaíochta, do chadás nó d'earraí bia, a n-aithníonn na Ballstáit go gcomhlíonann siad na critéir seo a leanas:
- (i) díorthaítear sainiúlacht an táirge deiridh faoi scéimeanna den sórt sin ó oibleagáidí soiléire chun aon cheann díobh seo a leanas a ráthú:
- saintréithe sonracha táirgí,
 - modhanna sonracha feirmeoireachta nó táirgthe, nó
 - cáilíocht an táirge deiridh a théann go suntasach thar na caighdeáin tráchtarra tráchtála maidir le sláinte phoiblí, ainmhithe nó plandaí, le leas ainmhithe nó le cosaint an chomhshaoil;
- (ii) tá an scéim ar fáil don uile tháirgeoir;
- (iii) baineann an scéim le sonraíochtaí táirge atá ina gceangal agus fíoraíonn údarais phoiblí nó comhlacht neamhspleách iniúchta comhlíonadh na sonraíochtaí sin;
- (iv) tá an scéim trédhearcach agus ráthaíonn sé inrianaitheacht táirgí; nó

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 (IO L 189, 20.7.2007, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha deochanna biotáilleacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1576/89 ón gComhairle

⁽⁴⁾ Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 an 10 Meitheamh 1991 lena leagtar síos rialacha ginearálta maidir le sainmhíniú, tuairisc agus cur i láthair fionta cumhraithe, deochanna de bhunadh fionta cumhraithe agus meanglaím a dhéantar as táirgí fionta cumhraithe (OJ L 149, 14.6.1991, lch. 1).

- (c) scéimeanna deonacha deimhniúcháin do tháirgí talmhaíochta a aithníonn na Ballstáit go gcomhlíonann siad treoirínte dea-chleachtais an Aontais d'oibríocht scéimeanna deonacha deimhniúcháin a bhaineann le táirgí talmhaíochta agus le hearraí bia.

2. Féadfar a chumhdach faoin mbeart seo costais a eascróidh as gníomhaíochtaí faisnéise agus cur chun cinn a chuirfidh grúpaí táirgeoirí chun feidhme ar an margadh inmheánach, maidir leis na táirgí a bheidh cumhdaithe ag tacaíocht na scéimeanna cáilíochta i gcomhréir le mír 1.

3. Deonófar tacaíocht faoi mhír 1 mar íocaíocht bhliantúil dreasachta, agus cinnfear leibhéal na híocaíochta de réir leibhéal na gcostas seasta a thagann as rannpháirtíocht sna scéimeanna tacaíthe, d'uastréimhse cúig bliana.

Chun críche na míre seo, ciallaíonn "costais sheasta" na costais a thabhaítear de bharr dul isteach i scéim thacaíthe cáilíochta agus an ranníocaíocht bhliantúil do rannpháirtíocht sa scéim sin, lena n-áirítear, más gá, caiteachas ar sheiceálacha a theastaíonn chun comhlíonadh le sonraíochtaí na scéime a fhíorú.

Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn "feirmeoir" feirmeoir gníomhach de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 13072013.

4. Beidh an tacaíocht teoranta don uasráta tacaíochta agus don uasmhéid atá leagtha síos in Iarscríbhinn I.

5. D'fhonn dlí nua an Aontais a chur san áireamh, a bhféadfadh éifeacht a bheith aici ar an tacaíocht faoin mbeart seo agus d'fhonn comhleanúnachas a áirithiú le hionstraimí eile an Aontais maidir le bearta talmhaíochta a chur chun cinn agus saobhadh iomaíochais a chosc, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 83 maidir le le scéimeanna sonracha an Aontais atá cumhdaithe faoi phointe (a) de mhír 1; agus tréithe na ngrúpaí táirgeoira agus na cineálacha gníomhaíochta a bhféadfadh tacaíocht a fháil faoi mhír 2 lena socraítear coinníollacha chun saobhadh iomaíochais a agus idirdhealú i gcoinne táirgí áirithe a chosc; agus lena socraítear coinníollacha a bhfuil brandaí tráchtála le heisiamh ó thacaíocht a fháil ar a mbonn.

Airteagal 17

Infheistíochtaí i sócmhainní fisiceacha

1. Cumhdófar sa tacaíocht faoin mbeart seo infheistíochtaí inláimhsithe agus/nó doláimhsithe mar seo a leanas:

- (a) infheistíochtaí lena ndéanfar feidhmiú foriomlán agus inbhuanaitheacht an ghabháiltais talmhaíochta a fheabhsú;
- (b) infheistíochtaí a bhainfidh le próiseáil, le margaíocht agus/nó le forbairt táirgí talmhaíochta arna gcumhdach le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh nó cadáis, seachas táirgí iascaigh. D'fhéadfadh sé gur táirge nach gcumhdaítear leis an Iarscríbhinn sin a bheadh in aschur an phróisis táirgeachta;

(c) infheistíochtaí a bhainfidh le bonneagar a bhaineann le forbairt, le nuachóiriú nó le hoiriúnú talmhaíochta agus foraoiseachta, lena n-áirítear rochtain ar thalamh feirme agus foraoise, feabhsú agus comhdhlúthú talún, soláthar agus sábháil fuinnimh agus uisce; nó

(d) infheistíochtaí ar infheistíochtaí neamhtháirgiúla iad atá nasctha le cuspóirí agra-comhshaoil-aeráide mar a shaothraítear faoin rialachán seo iad, lena n-áirítear stádas caomhnaithe bitheagsúlachta speiceas agus gnáthóg chomh maith le cur le luach taitneamhachta poiblí limistéir Natura 2000 nó córais eile a bhfuil ardluach ó thaobh an dúlra aige atá le sainiú sa chláir.

2. Deonófar tacaíocht faoi phointe (a) de mhír 1 d'fheirmeoirí nó do ghrúpaí feirmeoirí.

I gcás infheistíochtaí chun tacú le hathstruchtúrú feirme, díreoidh na Ballstáit an tacaíocht ar na feirmeacha i gcomhréir leis an anailís SWOT a dhéanfar i ndáil le tosaíocht an Aontais don fhorbairt tuaithe "inmharthanacht feirme agus iomaíochas a fheabhsú maidir le gach cineál talmhaíochta i ngach réigiún agus lena gcuirfear teicneolaíochtaí nuálaíochta feirme agus bainistiú inbhuanaithe foraoisí chun cinn".

3. Beidh tacaíocht faoi phointí (a) agus (b) de mhír 1 teoranta do na huasrátaí tacaíochta a leagtar síos in Iarscríbhinn II. I leith feirmeoirí óga, féadfar na huasrátaí sin a mhéadú d'fheirmeoirí óga, d'infheistíochtaí comhchoiteanna, lena n-áirítear na cinn sin a bhfuil baint acu le cumasc Eagraíochtaí Tairgeoirí, agus do thionscadail chomhtháite a bhaineann le tacaíocht faoi níos mó ná beart amháin, d'infheistíochtaí i limistéir a bhfuil srianta nádúrtha agus srianta ar leith eile ag gabháil dóibh dá dtagraítear in Airteagal 32 d'infheistíochtaí a bhfuil baint acu le hoibríochtaí faoi Airteagal 28 agus faoi Airteagal 29 agus d'oibríochtaí arna dtacú faoi chreat CEN do tháirgiúlacht agus inbhuanaitheacht talmhaíochta i gcomhréir leis na rátaí tacaíochta a leagtar síos in Iarscríbhinn II. D'ainneoin sin, ní fhéadfaidh an t-uasráta tacaíochta comhcheangailte a bheith os cionn 90 %.

4. Beidh tacaíocht faoi phointe (c) agus (d) de mhír 1 faoi réir na rátaí tacaíochta a leagtar síos in Iarscríbhinn I.

5. Féadfar tacaíocht a dheonú d'fheirmeoirí óga a bheidh ag bunú don chéad uair i ngabháltas talmhaíochta mar cheann an ghabháltais i leith infheistíochtaí lena gcomhlíontar caighdeáin an Aontais is infheidhme maidir le táirgeacht talmhaíochta, lena n-áirítear sábháilteacht cheirde. Féadfar tacaíocht den sórt sin a chur ar fáil ar feadh uastréimhse 24 mhí ó dháta an bhunaithe.

6. Nuair a chuirtear ceanglais nua ar fheirmeoirí faoi dhlí an Aontais, féadfar tacaíocht a dheonú d'infheistíochtaí chun na ceanglais sin a chomhlíonadh ar feadh uastréimhse 12 mí ón dáta a mbeidh siad éigeantach maidir le gabháltas talmhaíochta.

Airteagal 18

Athshlánú a dhéanamh ar acmhainneacht táirgeachta talmhaíochta a ndearnadh dochar di trí thubaistí nádúrtha agus teagmhais thurraingeacha agus gníomhaíochtaí coiscitheacha iomchuí a thabhairt isteach

1. Cuimseofar sa tacaíocht faoin mbeart seo:

(a) infheistíochtaí i mbearta coiscitheacha a bhfuil d'aidhm acu iarmhairtí tubaistí nádúrtha dóchúlacha, teagmhais dhíobhálacha aeráide agus teagmhais thurraingeacha a laghdú;

(b) infheistíochtaí le haghaidh athchóiriú talamh talmhaíochta agus acmhainneacht táirgeachta a ndearnadh damáiste dóibh de bharr tubaistí nádúrtha, teagmhas díobhálach aeráide agus teagmhas turraingeach.

2. Deonófar tacaíocht d'fheirmeoirí nó do ghrúpaí feirmeoirí. Féadfar tacaíocht a dheonú freisin d'eintitis phoiblí i gcás ina bhfuil nasc idir an infheistíocht a dhéanann eintitis den sórt sin agus acmhainneacht táirgeachta talmhaíochta bunaithe.

3. Beidh tacaíocht faoi phointe (b) de mhír 1 faoi réir aithint fhoirmiúil na n-údarás poiblí inniúil sna Ballstáit gur tharla tubaiste nádúrtha agus go raibh scrios 30 % ar laghad den acmhainneacht ábhartha talmhaíochta ina iarmhairt ar an tubaist sin nó ar bhearta arna nglacadh i gcomhréir le Treoir 2000/29/CE⁽¹⁾ ón gComhairle maidir le galar plandaí nó foirgeacht lotnaidí a dhíothú nó rialú a dhéanamh orthu.

4. Ní dheonófar aon tacaíocht faoin mbeart seo do chaillteanas ioncaim a d'eascair ón tubaiste nádúrtha nó ón teagmhas turraingeach.

Áiritheoidh na Ballstáit go seachnófar róchúiteamh de thoradh ar theaghlaim den bheart seo agus d'ionstraimí eile tacaíochta náisiúnta nó de chuid an Aontais eile nó scéimeanna árachais phríobháidigh.

5. Beidh tacaíocht faoi phointe (a) de mhír 1 teoranta do na huasrátaí tacaíochta a leagtar síos in Iarscríbhinn II.

Airteagal 19

Forbairt feirme agus gnó

1. Cuimseofar sa tacaíocht faoin mbeart seo:

(a) cabhair nuathionscanta gnó dóibh seo a leanas:

(i) feirmeoirí óga;

(ii) gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta i limistéir thuaithe;

⁽¹⁾ Treoir 2000/29/CE ón gComhairle an 8 Bealtaine 2000 maidir le bearta cosanta i gcoinne orgánach a bheadh díobhálach do phlandaí nó do tháirgí plandaí a thabhairt isteach sa Chomhphobal agus i gcoinne a leata sa Chomhphobal (IO L 169, 10.7.2000, lch. 1).

(iii) forbairt feirmeacha beaga;

(b) infheistíochtaí i gcruthú agus i bhforbairt gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta;

(c) íocaíochtaí bliantúla nó íocaíochtaí aonuaire d'fheirmeoirí is incháilithe don scéim um fheirmeoirí beaga arna bunú faoi Theideal V de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ("an scéim um fheirmeoirí beaga" anseo feasta) a aistríonn a ngabháltas go buan chuig feirmeoir eile;

2. Deonófar tacaíocht faoi phointe (a)(i) de mhír 1 d'fheirmeoirí óga.

Deonófar tacaíocht faoi phointe (a)(ii) de mhír 1 d'fheirmeoirí nó do bhaill de theaghlach feirme a djéanfaidh éagsúlú i ngníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta agus do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus do dhaoine nádúrtha i limistéir thuaithe.

Deonófar tacaíocht faoi phointe 1(a)(iii) de mhír 1 d'fheirmeacha beaga arna sainiú ag na Ballstáit.

Deonófar tacaíocht faoi phointe (b) de mhír 1 do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga neamhthalmhaíochta agus do dhaoine nádúrtha i limistéir thuaithe agus d'fheirmeoirí nó do bhaill de theaghlach feirme.

Deonófar tacaíocht faoi phointe (c) de mhír 1 d'fheirmeoirí is incháilithe chun bheith rannpháirteach sa scéim um fheirmeoirí beaga, tráth a thíolacann siad a n-iarratais ar thacaíocht, ar feadh bliain amháin ar a laghad agus a thugann gealltanais a ngabháltas iomlán a aistriú go buan mar aon leis na teidlíochtaí íocaíochta comhfhreagracha chuig feirmeoir eile. Íocfar an tacaíocht ó dháta an aistrithe go dtí an 31 Nollaig 2020 nó ríomhfar í i leith na tréimhse sin agus íocfar í i bhfoirm íocaíochta aonuaire.

3. Féadfar duine nádúrtha nó duine dlítheanach ar bith nó grúpa daoine nádúrtha nó grúpa daoine dlítheanacha, pé stádas dlíthiúil a bhronntar ar an ngrúpa agus ar a bhaill ag an dlí náisiúnta, a mheas mar bhall de theaghlach feirme, cé is moite d'oibríthe feirme. I gcás ina meastar gur ball de theaghlach na feirme duine dlítheanach nó grúpa daoine dlítheanacha, ní mór don bhall sin gníomhaíocht talmhaíochta a fheidhmiú ar an bhfeirm tráth an iarratais ar thacaíocht.

4. Cuirfear de choinníoll ar thacaíocht faoi phointe (a) de mhír 1 go gcuirfear plean gnó isteach. Ní mór cur chun feidhme an phlean gnó laistigh de naoi mí ó dháta an chinnidh lena ndeonaítear an chabhair.

Le haghaidh feirmeoirí a gheobhaidh tacaíocht faoi phointe (a)(i) de mhír 1, forálfar leis an bplean gnó go gcomhlionann an feirmeoir ógde réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 maidir le feirmeoirí gníomhacha laistigh de 18 mí tar éis an dáta a bhunófar é.

Saineoidh na Ballstáit uastairsí agus íostairsí chun rochtain ar thacaíocht faoi phointí (a)(i) agus (a)(iii) de mhír 1 a údarú do ghabháltais talmhaíochta. Beidh an íostairseach do thacaíocht faoi phointe (a)(i) de mhír 1 níos airde ná an uastairseach do thacaíocht faoi phointe (a)(iii) de mhír 1. Beidh tacaíocht teoranta, áfach, do ghabháltais a chuimsítear sa sainmhíniú ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga.

5. Íocfar tacaíocht faoi phointe (a) de mhír 1 in dhá thráthchuid ar a laghad thar uastréimhse cúig bliana. Féadfaidh tráthchodanna a bheith ar bhonn céimlaghdaitheach. Cuirfear de choinníoll ar íocaíocht na tráthchoda deiridh, faoi phointí (a)(i) agus (a)(ii) de mhír 1 go gcuirtear an plean gnó chun feidhme i gceart.

6. Leagtar síos an uas-suim tacaíochta faoi phointe (a) de mhír 1 in Iarscríbhinn I. Saineoidh na Ballstáit an líon tacaíochta faoi phointí (a)(i) agus (a)(ii) de mhír 1 agus cás socheacnamaíoch limistéar an chláir á chur san áireamh.

7. Beidh an tacaíocht faoi phointe (c) de mhír 1 comhionann le 120 % den íocaíocht bhliantúil is incháilithe don tairbhí a fháil faoin scéim um fheirmeoirí beaga.

8. D'fhonn go n-áiritheofar go mbainfear leas éifeachtúil as acmhainní CETFT, éifeachtach as acmhainní Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 83 lena leagtar síos an méid ábhair is lú a nglacfar leis i bpleananna gnó agus na critéir atá le húsáid ag na Ballstáit chun na tairseacha dá dtagraítear i mír 4 a shocrú.

Airteagal 20

Seirbhísí bunúsacha agus athnuachan sráidbhailte i limistéir thuaithe

1. Cumhdófar go háirithe sa tacaíocht faoin mbeart seo:

(a) bunú agus tabhairt cothrom le dáta pleananna chun bardais agus sráidbhailte a fhorbairt i gceantair thuaithe agus na seirbhísí bunúsacha atá acu agus pleananna cosanta agus bainistíochta a bhaineann le láithreáin NATURA 2000 agus le háiteanna eile a bhfuil ardluach ó thaobh an dúlra acu;

(b) infheistíochtaí i gcruthú, i bhfeabhsú nó i bhfairsingiú gach cineáil bonneagair ar mhionscála, lena n-áirítear infheistíochtaí i bhfuinneamh in-athnuaite agus spáráil fuinnimh;

(c) bonneagar leathanbhanda, lena n-áirítear a chruthú, a fheabhsú agus a fhairsingiú, bonneagar éighníomhach leathanbhanda agus soláthar rochtana ar réitigh leathanbhanda agus ríomhsheirbhísí poiblí an rialtais;

(d) infheistíochtaí i mbunú, i bhfeabhsú nó i bhfairsingiú seirbhísí bunúsacha áitiúla don daonra tuaithe, lena n-áirítear fóillíocht agus cultúr agus an bonneagar lena mbaineann;

(e) infheistíochtaí d'úsáid poiblí i mbonneagar áineasa, i bhfaisnéis do thurasóirí agus bonneagar beagscála turasóirí-reachta;

(f) staidéir agus infheistíochtaí a bhaineann le cothabháil, le hathbhunú agus le huasghrádú oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha sráidbhailte, agus tírdhreacha tuaithe agus láithreáin a bhfuil ardluach ó thaobh an dúlra orthu, lena n-áirítear gnéithe socheacnamaíocha lena mbaineann, chomh maith le gníomhaíochtaí múscailte feasachta comhshaoil;

(g) infheistíochtaí a dhírítear ar athlonnú gníomhaíochtaí agus athchóiriú foirgneamh nó saoráidí eile lonnaithe laistigh de lonnaíochtaí tuaithe nó gar dóibh, d'fhonn an cháilíocht beatha a fheabhsú nó feidhmiú comhshaoil na lonnaíochta a mhéadú.

2. Ní bhainfidh tacaíocht faoin mbeart seo ach le bonneagar ar mhionscála, mar a shainíonn gach Ballstát sa chláir. Mar sin féin, féadfaidh cláir forbartha tuaithe foráil a dhéanamh maidir le maoluithe sonracha ón riail seo d'infheistíochtaí i leathanbhanda agus i bhfuinneamh in-athnuaite. Sa chás seo, cuirfear critéir shoiléire a áirithíonn comhlántacht le tacaíocht faoi ionstraimí eile an Aontais ar fáil.

3. Beidh infheistíochtaí faoi mhír 1 incháilithe le haghaidh tacaíochta i gcás ina gcuirfear na hoibríochtaí ábhartha chun feidhme i gcomhréir le pleananna d'fhorbairt bardas agus sráidbhailte i limistéir tuaithe agus a seirbhísí bunúsacha, i gcás ina bhfuil na pleananna sin ann agus beidh siad comhsheasmhach le haon straitéis ábhartha forbartha áitiúla.

Airteagal 21

Infheistíochtaí i bhforbairt limistéar foraoise agus inmharthanacht foraoisí a fheabhsú

1. Bainfidh an tacaíocht faoin mbeart seo leis na nithe seo a leanas:

(a) foraoisiú agus cruthú coillearnaí;

(b) córais agraforaoiseacht a bhunú;

(c) damáiste d'fhoraoisí de bharr dóiteán foraoise, tubaistí nádúrtha agus teagmhais thurraingeacha a chosc agus a n-athchóiriú, lena n-áirítear ráig de lotnaidí agus de ghalair, agus bagairtí a bhaineann leis an aeráid;

(d) infheistíochtaí a fheabhsaíonn athléimneacht agus luach comhshaoil chomh maith le hacmhainneacht maolaithe na n-éiceachóras foraoise;

(e) infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí foraoiseachta agus i dtáirgí foraoiseachta a phróiseáil, a úsáid agus a mhargú.

2. Ní bheidh feidhm ag teorainneacha ar úinéireacht foraoisí dá bhforáiltear in Airteagal 22 go dtí 26 maidir le foraoisí trópaiceacha nó fothrópaiceacha agus leis na limistéir faoi chrainn i gcríocha na nAsór, Mhaidéara, na nOileán Canárach,

na n-oileán Aeigéach is lú de réir bhrí Rialachán (CEE) Uimh. 2019/93 ⁽¹⁾ ón gComhairle an 19 Iúil 1993 agus ranna thar lear na Fraince.

I gcás gabháiltais thar mhéid áirithe, a chinnfidh na Ballstáit sa chláir, tabharfar tacaíocht ar choinníoll go soláthrófar faisnéis ábhartha a thiocfaidh ó phlean bainistithe foraoise nó ó ionstraim chomhionann atá ag lú le bainistíocht inbhuanaithe foraoisí mar atá sainithe ag an gComhdháil Aireachta um Chosaint Foraoisí san Eoraip 1993.

Airteagal 22

Coillearna a fhoraoisiú agus a chruthú

1. Deonófar tacaíocht faoi phointe (a) Airteagal 21(1) do shealbhóirí talún poiblí agus príobháidí agus dá gcomhlachais agus cumhdófar ann costais bunaithe agus préimh bhliantúil in aghaidh an heicteáir chun na costais a bhaineann le ioncam talmhaíochta a bheidh ligthe thar ceal agus na costais chothabhála a chumhdach, lena n-áirítear glantachán luath agus deireanach, ar feadh uastréimhse dhá bhliain déag. I gcás talún atá faoi úinéireacht stáit, ní fhéadfar tacaíocht a dheonú ach sa chás go bhfuil an talmh sin á bhainistiú ag comhlacht príobháideach nó ag bardas.

Ní chumhdófar leis an tacaíocht chun talmh atá i seilbh údarás poiblí a fhoraoisiú ná do chrainn a fhásann go tapa ach na costais bunaithe amháin.

2. Beidh talmh talmhaíochta agus neamhthalmhaíochta araon incháilithe. Oiriúnófar speicis a chuirtear do dhálaí comhshaoil agus aeráide an limistéir agus comhlíonfaidh siad na híoscheanglais maidir leis an gcomhshaoil. Ní dheonófar aon tacaíocht do chrainn a chur i gcomhair barrscoitheadh gearruiníochta, do chrainn Nollag a chur ná do chrainn a chur a fhásann go tapa i gcomhair táirgeadh fuinnimh. I limistéir ina bhfuil foraoisiú deacair de bharr diandálaí peidichlíomacha féadfar tacaíocht a thabhairt do chur speiceas eile ilbhliantúil adhmadaigh amhail toir nó sceacha a oireann do na dálaí áitiúla.

3. Chun a áirithiú go mbeidh foraoisiú talún talmhaíochta i gcomhréir le cuspóirí an bheartais comhshaoil, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 83 maidir le sainiú na n-íoscheanglas comhshaoil dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo.

Airteagal 23

Córais agraforaoiseachta a bhunú

1. Deonófar tacaíocht faoi phointe (b) d'Airteagal 21(1) do shealbhóirí talún príobháidí, do bhardais agus dá gcomhlachais agus cumhdófar ann costais bunaithe agus préimh bhliantúil in aghaidh an heicteáir chun costais cothabhála a chumhdach ar feadh uastréimhse cúig bliana.

⁽¹⁾ Rialachán (CEE) Uimh. 2019/93 ón gComhairle an 19 Iúil 1993 lena dtugtar bearta sonracha isteach do na hOileáin Aeigéacha is lú maidir le táirgí áirithe talmhaíochta (IO L 184, 27.7.1993, lch. 1).

2. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn "córais agrafho-raoiseachta" córais úsáide talún sin ina bhfástar crainn i gcomhar le talmhaíocht ar an talamh chéanna. Cinnfidh na Ballstáit an t-uaslíon agus an t-íoslíon crann in aghaidh an heicteáir ag cur dálaí áitiúla peidichlíomacha agus dálaí comhshaoil, speicis foraoiseachta agus an gá úsáid talmhaíochta inbhuanaithe na talún a áirithiú san áireamh.

3. Beidh an tacaíocht teoranta don uasráta tacaíochta atá leagtha síos in Iarscríbhinn I.

Airteagal 24

Dochar d'fhoraoisí ó dhóiteáin foraoise agus ó thubaistí nádúrtha agus ó theagmhais thurraingeacha a chosc agus a athshlánú

1. Deonófar tacaíocht faoi phointe (c) d'Airteagal 22(1) do shealbhóirí foraoise príobháidí agus poiblí agus do chomhlachtaí eile faoin dlí poiblí agus príobháideach agus dá gcomhlachais agus cumhdófar ann na costais do na nithe seo a leanas:

- (a) bunú bonneagair chosanta. I gcás tóitbhearnaí, féadfaidh an tacaíocht cabhair a chuidíonn le costais chothabhála a chumhdach freisin. Ní dheonófar aon tacaíocht do ghníomhaíochtaí a bhaineann le talmhaíocht i limistéir a chumhdaítear le ceanglais agra-chomhshaoil;
- (b) bearta coisctheacha áitiúla, ar mhionscála, in aghaidh dóiteáin nó guaiseacha nádúrtha eile; lena n-áirítear ainmhithe féaraigh a úsáid;
- (c) trealamh cumarsáide agus áiseanna faireacháin ar dhóiteán foraoise, ar lotnaidí agus ar ghálair a bhunú agus a fheabhsú; agus
- (d) acmhainneacht foraoise a ndearnadh dochar di de bharr dóiteán agus tubaistí nádúrtha eile a athchóiriú, lena n-áirítear lotnaidí, galair agus teagmhais thurraingeacha agus teagmhais a bhaineann le hathrú aeráide.

2. I gcás bearta coisctheacha a bhaineann le lotnaidí agus le galair, caithfear tacú leis an riosca go dtarlóidh tubaiste ábhartha trí fhianaise eolaíoch agus caithfidh eagraíochtaí poiblí eolaíochta tacú leis. Nuair is ábhartha, caithfear an liosta de speicis orgánach a dhéanann díobháil do phlandaí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le tubaiste a chur sa chláir.

Beidh oibríochtaí incháilithe comhsheasmhach leis an bplean um chosaint foraoisí arna bhunú ag na Ballstáit. I gcás gabháltas thar mhéid áirithe, a chinnfidh na Ballstáit sa chláir, tabharfar tacaíocht ar choinníoll go soláthrófar faisnéis ábhartha a thiocfaidh ó phlean bainistithe foraoise nó ó ionstraim chomhionann atá ag luí le bainistiú inbhuanaithe foraoisí mar atá sainmhínte ag an gComhdháil Aireachta um Chosaint Foraoisí san Eoraip 1993 lena sonrú na cuspóirí coisctheacha.

Beidh limistéir foraoise atá aicmithe mar riosca meánach go hard do dhóiteán foraoise de réir an phlean um chosaint foraoise arna bhunú ag Ballstáit incháilithe le haghaidh tacaíochta a bhaineann le cosc dóiteán foraoise.

3. Beidh tacaíocht faoi phointe (d) de mhír 1 faoi réir aithint fhoirmiúil na n-údarás poiblí inniúil sna Ballstáit inar tharla tubaiste nádúrtha agus go raibh scrios 20 % ar laghad den acmhainneacht ábhartha foraoise ina iarmhairt ar an tubaiste sin nó bearta arna nglacadh i gcomhréir le Treoir 2000/29/CE chun galar plandaí nó foirgeacht lotnaidí a dhíothú nó rialú a dhéanamh orthu.

4. Ní dheonófar aon tacaíocht faoin mbeart seo do chaillteanas ioncaim a d'eascair ón tubaiste nádúrtha.

Áiríteoidh na Ballstáit go seachnófar róchúiteamh de thoradh ar theaghlaim den bheart seo agus d'ionstraimí eile tacaíochta náisiúnta nó de chuid an Aontais eile nó scéimeanna árachais phríobháidigh.

Airteagal 25

Infheistíochtaí chun athléimneacht agus luach comhshaoil éiceachórais na bhforaoisí a fheabhsú

1. Deonófar tacaíocht faoi phointe (d) d'Airteagal 21(1) do dhaoine nádúrtha, do shealbhóirí foraoise príobháidí agus poiblí, agus do chomhlachtaí eile faoin dlí príobháideach agus do chomhlachtaí poiblí eile agus dá gcomhlachais.

2. Is é a bheidh mar aidhm ag infheistíochtaí gealltanaisa bhaint amach chun críoch comhshaoil nó chun seirbhísí éiceachórais a sholáthar agus/nó chun cur le luach taitneamhachta poiblí foraoise agus limistéir faoi chrainn sa limistéir lena mbaineann, nó chun acmhainneacht éiceachórais maidir le maolú ar an athrú aeráide a fheabhsú, gan sochair eacnamaíochta a eisiamh go fadtéarmach.

Airteagal 26

Infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí foraoiseachta agus i dtáirgí foraoiseachta a phróiseáil, a úsáid agus a mhargú

1. Deonófar tacaíocht faoi phointe (e) d'Airteagal 21(1) do shealbhóirí foraoise príobháidí, do bhardais agus dá gcomhlachais agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide d'infheistíochtaí a chuireann le hacmhainneacht foraoiseachta nó a bhaineann le próiseáil, le húsáid agus le margaíocht lena gcuirtear le luach táirgí foraoiseachta. I gcóir na nAsóir, na nOileán Canárach, na n-oileán Aeigéach is lú de réir bhrí Rialachán (CEE) Uimh. 2019/93 agus na ranna Francacha thar lear, féadfar tacaíocht a thabhairt d'fhiontair nach fiontair bheaga ná fiontair mheánmhéide iad.

2. Infheistíochtaí a bhaineann le feabhsú luach eacnamaíoch na bhforaoisí, beidh bonn cirt leo i ndáil le feabhsuithe a thuarfar d'fhoraoisí ar gabháltas amháin nó níos mó agus féadfaidh siad infheistíochtaí in innealra buainte agus i gcleachtais atá neamhdhíobhálach don ithir agus d'acmhainní a áireamh.

3. Beidh infheistíochtaí a bhaineann le húsáid adhmaid mar amháibhar nó mar fhoinsé fuinnimh teoranta don uile oibríochtaí oibre roimh phróiseáil thionsclaíoch.

4. Beidh an tacaíocht teoranta do na huasrátaí tacaíochta a leagtar síos in Iarscríbhinn I.

Airteagal 27

Grúpaí táirgeoirí agus eagraíochtaí táirgeoirí a bhunú

1. Deonófar tacaíocht faoin mbeart seo chun bunú grúpaí táirgeoirí agus eagraíochtaí táirgeoirí a éascú in earnálacha na talmhaíochta agus na foraoiseachta chun na críocha seo a leanas:

- (a) táirgeacht agus aschur táirgeoirí ar baill iad de ghrúpaí nó d'eagraíochtaí den sórt sin a oiriúnú do riachtanais an mhargaidh;
- (b) earraí a chur sa mhargadh go comhpháirteach, lena n-áirítear ullmhúchán do dhíolachán, lárú díolacháin agus soláthar do bhulc-cheannaitheoirí;
- (c) comhriallacha a bhunú ar fhaisnéis táirgthe, agus aird áirithe ar bhaint agus ar infhaighteacht; agus
- (d) gníomhaíochtaí eile a d'fhéadfaidh grúpaí agus eagraíochtaí táirgeoirí a dhéanamh, amhail forbairt scileanna gnó agus margáíochta agus eagrú agus éascú próiseas nuálaíochta.

2. Deonófar tacaíocht do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí táirgeoirí a aithníonn údarás inniúil an Bhallstáit go hoifigiúil iad ar bhonn plean gnó. Beidh sé teoranta do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí táirgeoirí gur FBManna iad.

Fíoróidh na Ballstáit gur baineadh amach cuspóirí an phlean gnó laistigh de chúig bliana tar éis an grúpa táirgeoirí nó an eagraíocht táirgeoirí a aithint.

3. Íocfar an tacaíocht mar chabhair ráta chomhréidh i dtráthchodanna bliantúla ar feadh achair nach faide ná cúig bliana tar éis an dáta ar aithníodh an grúpa nó an eagraíocht táirgeoirí ar bhonn a phlean gnó agus beidh sí céimlaghdaitheach. Ríomhfar í ar bhonn táirgeachta bliantúla arna margú ag an ngrúpa nó ag an eagraíocht. Ní íocfaidh na Ballstáit an tráthchuid dheireanach ach tar éis cur chun feidhme ceart an phlean gnó a fhíorú.

Sa chéad bhliain, féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a íoc leis an ngrúpa nó an eagraíocht táirgeoirí arna ríomh ar bhonn meánluach bliantúil na táirgeachta arna margú ag a bhaill thar na trí bliana sula ndeachaigh siad isteach sa ghrúpa. I gcás grúpaí agus eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na foraoiseachta, féadfar an tacaíocht a ríomh ar bhonn meántáirgeachta arna

margú ag baill an ghrúpa nó baill na heagraíochta thar na cúig bliana roimh an aithint, gan an luach is airde ná is ísle san áireamh.

4. Beidh an tacaíocht teoranta do na huasrátaí agus na huasmhéideanna a leagtar síos in Iarscríbhinn I.

5. Féadfaidh na Ballstáit leanúint den tacaíocht do ghrúpaí táirgeoirí a bhunú fiú tar éis dóibh a bheith sainaitheanta mar eagraíochtaí táirgeoirí faoi choinníollacha Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ⁽¹⁾.

Airteagal 28

Agra-chomhshaoil-aeráide

1. Faoin mbeart seo, cuirfidh na Ballstáit tacaíocht ar fáil ar fud a gcríoch, i gcomhréir lena riachtanais agus lena dtosaíochtaí sonracha náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla. Beidh an beart seo dírithe ar chaomhnú agus ar chur chun cinn a dhéanamh ar na hathruithe riachtanacha go cleachtais talmhaíochta lena gcuideofar leis an gcomhshaoil agus leis an aeráid. Beidh a chuimsiú i gclár forbartha tuaithe éigeantach ar leibheál náisiúnta nó ar leibheál réigiúnach.

2. Deonófar íocaíochtaí agra-chomhshaoil-aeráide d'fheirmeoirí, do ghrúpaí feirmeoirí nó do ghrúpaí feirmeoirí agus bainisteoirí eile talún a ghabhfaidh orthu féin, ar bhonn deonach, oibríochtaí a dhéanamh, arb ionann iad agus gealltanais agra-chomhshaoil-aeráide amháin nó níos mó ar thalamh talmhaíochta a bheidh le sainiú ag na Ballstáit, lena n-áirítear na limistéir thalmhaíochta a shainnítear in Airteagal 2 den Rialachán seo ach nach dteorannófar dóibh. Nuair atá údar cuí leis chun cuspóirí comhshaoil a bhaint amach, féadfar íocaíochtaí agra-chomhshaoil-aeráide a dheonú do bhainisteoirí eile talún nó do ghrúpaí de bhainisteoirí eile talún.

3. Ní chumhdóidh íocaíochtaí comhshaoil talmhaíochta ach na gealltanais a théann thar na caighdeáin shainordaitheacha ábhartha a bhunaítear de bhun Chaibidil I de Theideal VI de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, na critéir ábhartha agus na gníomhaíochtaí íosta a bhunaítear de bhun de phointí (c)(ii) agus (c)(iii) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, agus íoscheanglais ábhartha maidir le húsáid leasacháin agus táirgí cosanta plandaí mar aon le ceanglais shainordaitheacha ábhartha eile arna mbunú le dlí náisiúnta. Aithneofar na ceanglais shainordaitheacha uile den sórt sin seo sa chlár.

4. Féachfaidh na Ballstáit lena áirithiú go ndéanfar an t-eolas agus fhaisnéis a theastaíonn chun oibríochtaí den sórt sin a chur chun feidhme a chur ar fáil do dhaoine ag tabhairt fúthu. Féadfaidh siad an méid sin a dhéanamh trí, inter aliacomhairle na saineolaithe a bhaineann leis an gceanglas agus/nó trí thacaíocht faoin mbeart seo a bheith coinníollach ar oiliúint ábhartha.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghaitear Rialacháin (CEE)Uimhí 922/72. (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle. (Féach leathanach 671 den Iris Oifigiúil seo.).

5. Tabharfar faoi ghealltanais faoin mbeart seo ar feadh tréimhse idir cúig bliana agus seacht mbliana. Mar sin féin, más gá chun na sochair chomhshaoil a lorgáitear a bhaint amach nó a chothabháil, féadfaidh Ballstáit tréimhse níos faide a chinneadh ina gclár forbartha tuaithe le haghaidh cineálacha áirithe gealltanais, lena n-áirítear trí fhoráil a dhéanamh maidir lena bhfadú bliantúil tar éis fhoirceannadh na tréimhse tosaigh. Maidir le gealltanais nua díreach tar éis an ghealltanais a comhlíonadh sa tréimhse tosaigh, féadfaidh na Ballstáit tréimhse níos giorra a chinneadh ina gcuid clár forbartha tuaithe.

6. Deonófar na híocaíochtaí go bliantúil agus tabharfaidh siad cúiteamh do na tairbhíthe as an uile chostas breise agus ioncam ligthe thar ceal de thoradh ar na ceanglais a rinneadh, nó as cuid díobh. Más gá, féadfaidh siad costais na n-idirbheart a chumhdach suas go luach 20 % den phréimh a íocadh as na gealltanais agra-comhshaoil-aeráide. I gcás go dtugann grúpa feirmeoirí nó grúpaí feirmeoirí agus bainisteoirí eile talún faoi ghealltanais, is é 30 % an t-uasleibhéal a bheidh ann.

Agus na híocaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír á ríomh, bainfidh na Ballstáit an méid is gá d'fhonn cistiú faoi dhó de na cleachtais dá dtagraítear in Airteagal 43 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 a sheachaint.

I gcásanna a mbeidh bonn cirt cuí leo, maidir le hoibríochtaí lena mbaineann caomhnú comhshaoil, féadfar tacaíocht a dheonú mar íocaíocht ar ráta comhréidh nó mar íocaíocht aonuaire in aghaidh an aonaid i gcás gealltanais chun úsáid tráchtála a bhaint as limistéir a thréigean, a ríomhfar ar bhonn na gcostas breise a thabharfar agus an t-ioncam a bheidh ligthe thar ceal.

7. I gcás inar gá, d'fhonn cur i bhfeidhm éifeachtach an bhirt a áirithiú, féadfaidh na Ballstáit leas a bhaint as an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 49(3) do roghnú tairbhíthe.

8. Beidh an tacaíocht teoranta do na híosmhéideanna a leagtar síos in Iarscríbhinn II.

Ní fhéadfar aon tacaíocht faoin mbeart seo a dheonú do ghealltanais atá cumhdaithe faoin mbeart feirmeoireachta orgánaí.

9. Féadfar tacaíocht a chur ar fáil do chaomhnú agus d'úsáid inbhuanaithe agus d'fhorbairt inbhuanaithe acmhainní géiniteacha sa talmhaíocht i gcás oibríochtaí nach gcumhdaítear leis na forálacha faoi mhír 1 go 8. Féadfaidh tairbhíthe eile seachas iad siúd a luaitear i mír 2 na gealltanais sin a chomhlíonadh.

10. Chun deimhniú go saineofar na gealltanais faoin mbeart agra-chomhshaoil-aeráide i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe, tabharfar de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 83 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) na coinníollacha is infheidhme i ndáil le gealltanais chun fairsingiú a dhéanamh ar fheirmeoireachta beostoic,

(b) na coinníollacha is infheidhme maidir le gealltanais póortha áitiúla a thógáil a bhfuil an baol ann go gcaillfear don fheirmeoireacht iad nó acmhainní géiniteacha plandaí atá i mbaol creimeadh géiniteach a chaomhnú; agus

(c) an sainmhíniú ar oibríochtaí incháilithe faoi mhír 9.

11. D'fhonn a áirithiú nach féidir an cistiú dúbailte faoi dhó, dá dtagraítear sa dara fhomhír de mhír 6, a bheith i gceist tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 83 lena leagtar síos an modh ríomha a bheidh le húsáid, lena n-áirítear i gcás beart chomhionann faoi Airteagal 43 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013

Airteagal 29

Feirmeoireacht orgánach

1. Deonófar tacaíocht faoin mbeart seo, in aghaidh an heicteáir den limistéar talmhaíochta d'fheirmeoirí nó do ghrúpaí feirmeoirí a dhéanfaidh, ar bhonn deonach, modhanna agus cleachtais feirmeoireachta orgánaí a chothabháil nó aistriú chuici a ghabháil ar láimh faoi mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 agus d'fheirmeoirí gur feirmeoirí gníomhacha iad de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.

2. Ní thabharfar tacaíocht ach do na gealltanais a théann thar na caighdeáin shainordaitheacha ábhartha a bhunaítear de bhun Chaibidil I de Theideal VI de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 na critéir ábhartha agus na gníomhaíochtaí íosta a bhunaítear de bhun phointí (c)(ii) agus (c)(iii) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. .../2013, íoscheanglais ábhartha maidir le húsáid leasacháin agus táirgí cosanta plandaí mar aon le ceanglais shainordaitheacha ábhartha eile arna mbunú le dlí náisiúnta. Saináithneofar na ceanglais uile den sórt sin sa chlár.

3. Déanfar gealltanais faoin mbeart seo ar feadh tréimhse idir cúig bliana agus seacht mbliana. I gcás ina ndéonaítear tacaíocht chun tiontú go feirmeoireacht orgánach, féadfaidh na Ballstáit tréimhse tosaigh níos giorra a chinneadh a fhreagróidh do thréimhse an tionsaithe. I gcás ina ndéonaítear tacaíocht do chothabháil feirmeoireachta orgánaí, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh ina gclár forbartha tuaithe fadú bliantúil tar éis fhoirceannadh na tréimhse tosaigh. Maidir le gealltanais nua a bhaineann le cothabháil díreach tar éis an ghealltanais a comhlíonadh sa tréimhse tosaigh, féadfaidh na Ballstáit tréimhse níos gearra a chinneadh ina gcuid clár forbartha tuaithe.

4. Deonófar na híocaíochtaí go bliantúil chun tairbhíthe a chúiteamh as an uile chostas breise agus ioncam ligthe thar ceal de thoradh ar na ceanglais a rinneadh, nó as cuid díobh. Más gá, féadfaidh siad costais na n-idirbheart a chumhdach suas go luach 20 % den phréimh a íocadh as an ngealltanais. I gcás go dtugann grúpa feirmeoirí faoi ghealltanais, is é 30 % an t-uasleibhéal a bheidh ann.

Agus na híocaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír á ríomh, bainfidh na Ballstáit an méid is gá d'fhonn cistiú dúbailte maidir leis na cleachtais dá dtagraítear in Airteagal 29 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 a sheachaint.

5. Beidh an tacaíocht teoranta do na híosmhéideanna a leagtar síos in Iarscríbhinn II.

6. D'fhonn a áirithiú nach mbeidh an cistiú dúbailte sini gceist, dá dtagraítear sa dara fómhír de mhír 4, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 83 lena leagtar síos an modh ríomha a bheidh le húsáid.

Airteagal 30

Natura 2000 agus íocaíochtaí na creat-threorach maidir le hUisce

1. Deonófar tacaíocht faoin mbeart sin go bliantúil agus in aghaidh an heicteáir den limistéar talmhaíochta nó in aghaidh an heicteáir foraoise chun cúiteamh a íoc le tairbhíthe as costais bhreise agus ioncam ligthe thar ceal de bharr míbhuntáistí sna limistéir lena mbaineann, a bhaineann le cur chun feidhme Treoir 92/43/CEE, Treoir 2009/147/CE agus an Treoir Réime maidir le hUisce.

Agus an tacaíocht faoin mbeart seo á ríomh, bainfidh na Ballstáit an méid is gá d'fhonn cistiú dúbailte maidir leis na cleachtais dá dtagraítear in Airteagal 43 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 a sheachaint.

2. Deonófar tacaíocht d'fheirmeoirí agus do shealbhóirí foraoise príobháidí agus do chomhlachais sealbhóirí foraoise príobháidí faoi seach. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfar í a dheonú ar bhainisteoirí eile talún freisin.

3. Ní dheonófar tacaíocht d'fheirmeoirí, nasctha le Treoracha 92/43/CEE agus 2009/147/CE, ach i ndáil le míbhuntáistí a d'eascair ó cheangaltais a théann thar an dáil mhaith talmhaíochta agus comhshaoil dá bhforáiltear in Airteagal 94 agus in Iarscríbhinn II de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ón gComhairle, agus na critéir ábhartha agus na gníomhaíochtaí íosta a bhunaítear de bhun phointí (c) (ii) agus (c) (iii) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.

4. Ní dheonófar tacaíocht d'fheirmeoirí, nasctha leis an Treoir Réime maidir le hUisce, ach i ndáil leis an méid seo a leanas:

- (a) ceanglais shonracha a tugadh isteach leis an Treoir Réime maidir le hUisce, atá i gcomhréir leis na cláir beart do phleananna bainistíochta abhantracha chun críche cuspóirí comhshaoil na Treorach sin a bhaint amach agus a théann thar na bearta a theastaíonn chun reachtaíocht eile an Aontais a chur chun feidhme do chosaint an uisce;
- (b) ceanglais shonracha a théann thar na ceanglais reachtúla bainistíochta agus an dáil mhaith talmhaíochta agus comhshaoil dá bhforáiltear i gCaibidil I de Theideal VI de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus na critéir ábhartha agus na gníomhaíochtaí íosta a bhunaítear de bhun phointí (c)(ii) agus (iii) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013;

(c) ceanglais shonracha a théann thar an leibhéal cosanta i reachtaíocht an Aontais a bhí ann tráth ar glacadh an Treoir Réime maidir le hUisce mar atá leagtha síos in Airteagal 4(9) de Threoir 2000/60/CE; agus

(d) ceanglais shonracha a fhorchuireann mórathruithe ar chineál úsáide talún, agus/nó mórshrianta ar chleachtais feirmeoirreachta a bhfuil cailteanas suntasach ioncaim de thoradh air.

5. Sainithneofar na ceanglais dá dtagraítear i mír 3 agus i mír 4 sa chlár.

6. Beidh na limistéir seo a leanas incháilithe le haghaidh íocaíochtaí:

(a) Limistéir thalmhaíochta agus foraoiseachta Natura 2000 arna n-ainmniú de bhun Threoir 92/43/CEE agus Threoir 2009/147/CE;

(b) limistéir chosanta dúlra eile arna dteorannú ina bhfuil srianta comhshaoil is infheidhme maidir le feirmeoireacht nó le foraoisí agus a chuidíonn le cur chun feidhme Airteagal 10 de Threoir 92/43/CEE ar an gcoinníoll nach sáraíonn na limistéir sin, de réir an chláir forbartha tuaithe, 5 % de limistéir ainmnithe Natura 2000 a chumhdaítear ina raon feidhme críochach;

(c) limistéir thalmhaíochta a áirítear i bpleananna bainistithe abhantrach de réir na Treorach Réime maidir le hUisce.

7. Beidh an tacaíocht teoranta do na híosmhéideanna a leagtar síos in Iarscríbhinn I.

8. D'fhonn a áirithiú nach mbeidh cistiú dúbailte gceist, dá dtagraítear sa dara fómhír de mhír 1, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 83 lena leagtar síos an modh ríomha a bheidh le húsáid.

Airteagal 31

Íocaíochtaí i leith limistéar a bhfuil srianta nádúrtha nó eile orthu

1. Deonófar íocaíochtaí d'fheirmeoirí i limistéir sléibhe nó i limistéir eile a bhfuil srianta nádúrtha nó srianta eile sonracha ag gabháil dóibh go bliantúil in aghaidh an heicteáir de limistéar talmhaíochta arna úsáid chun cúiteamh a íoc le feirmeoirí as costais bhreise agus ioncam uile nó i bpáirt ligthe thar ceal a bhaineann leis na srianta do tháirgeacht talmhaíochta sa limistéar lena mbaineann.

Ríomhfar costais bhreise agus ioncam ligthe thar ceal i gcomparáid le limistéir nach bhfuil srianta nádúrtha ná srianta eile sonracha ag gabháil dóibh, ag cur íocaíochtaí de bhun Chaibidil 3 de Theideal III de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 san áireamh.

Agus costais bhreise agus ioncam ligthe thar ceal á ríomh, féadfaidh na Ballstáit, i gcás ina mbeidh údar cuí leis, leibhéal na híocaíochta a dhífreáil agus an méid seo a leanas á cur san áireamh:

— déine an tsriain bhuaín aitheanta a dhéanann difear do ghníomhaíochtaí feirmeoireachta;

— an córas feirmeoireachta.

2. Deonófar íocaíochtaí d'fheirmeoirí a dhéanfaidh a ngníomhaíocht feirmeoireachta i limistéir ainmnithe de bhun Airteagal 32 a ghabháil ar láimh agus gur feirmeoirí gníomhachaidde réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.

3. Beidh íocaíochtaí seasta idir an t-íosmhéid agus an t-uasmhéid atá leagtha síos in Iarscríbhinn I. Féadfar na híocaíochtaí seo a mhéadú i gcásanna a mbeidh bunús cuí leo agus dálaí sonracha a bheidh le fírinniú sna cláir forbartha tuaithe á gcur san áireamh.

4. Forálfaidh na Ballstáit do chéimlaghdaitheacht na n-íocaíochtaí thar leibhéal tairsí limistéir in aghaidh an ghabháiltais, atá le sainiú sa chlár, ach amháin má chumhdaítear leis an deontas an íosíocaíocht in aghaidh an heicteáir sa bhliain mar a leagtar síos í in Iarscríbhinn II.

I gcás duine dlítheanaigh, nó grúpa daoine nádúrtha nó dlítheanacha, féadfaidh na Ballstáit céimlaghdaitheacht na n-íocaíochtaí a chur i bhfeidhm ar leibhéal na ndaoine dlítheanacha nó bhall na ngrúpaí sin ar an gcoinníoll:

(a) go ndéanann an dlí náisiúnta foráil do na baill aonair chun glacadh leis na cearta agus na hoibleagáidí atá inchomparáide le cearta agus oibleagáidí na bhfeirmeoirí aonair a bhfuil stádas mar cheann an ghabháiltais acu, go háirithe i ndáil lena stádas eacnamaíoch, sóisialta agus cánach; agus

(b) gur chuidigh na baill aonair sin go mór le struchtúir thalmhaíochta na ndaoine dlítheanacha nó na ngrúpaí lena mbaineann a neartú.

5. I dteannta na n-íocaíochtaí dá bhforáiltear i mír 2, féadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí a dheonú faoin mbeart seo idir 2014 agus 2020 do thairbhíthe i limistéir a bhí incháilithe faoi Airteagal 36(a)(ii) de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 le linn na clárthréimhse 2007-2013. Maidir leis na tairbhíthe sna limistéir sin nach bhfuil incháilithe níos mó i ndiaidh an teorannaithe nua dá dtagraítear in Airteagal 32(3), beidh na híocaíochtaí sin céimlaghdaitheach thar uastréimhse ceithre bliana. Tosóidh an tréimhse seo ar an dáta a chríochnófar an teorannú i gcomhréir le hAirteagal 32(3) agus ar a dhéanaí in 2018. Tosnóidh na híocaíochtaí sin ag méid nach mó ná 80 % den mheáníocaíocht socraithe sa chlár don chlárthréimhse 2007-2013 i gcomhréir le hAirteagal 36(a)(ii) de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005, agus ag críochnú in 2020 ar a dhéanaí ag méid nach mó ná 20 %. Nuair a shroichfidh

leibhéal na híocaíochta 25 EUR de bharr na céimlaghdaitheachta, féadfaidh an Ballstát leanúint leis na híosíocaíochtaí ar an leibhéal sin go dtí go mbeidh an tréimhse ceithre bliana thart.

Tar éis chur i gcrích an teorannaithe, gheobhaidh tairbhíthe i limistéir atá incháilithe go fóill íocaíochtaí iomlána faoin mbeart seo.

Airteagal 32

Ainmniúchán limistéar a bhfuil srianta nádúrtha agus srianta sonracha eile ag gabháil dóibh

1. Ainmneoidh na Ballstáit, ar bhonn mhíreanna 2, 3 agus 4, limistéir incháilithe le haghaidh íocaíochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 31 faoi na catagóirí seo a leanas:

(a) limistéir sléibhe;

(b) limistéir, seachas limistéir sléibhe, a bhfuil srianta suntasacha nádúrtha ag bagairt orthu; agus

(c) limistéir eile a bhfuil tionchar ag srianta sonracha orthu.

2. Chun a bheith incháilithe le haghaidh íocaíochtaí faoi Airteagal 32, déanfar limistéir sléibhe a shaintréithriú trí shrian suntasach a chur leis na féidearthachtaí chun an talamh a úsáid agus trí mhórmhéadú ar chostais táirgeachta i ngeall ar na nithe seo a leanas:

(a) dálaí aeráide thar a bheith deacair, mar gheall ar airde, a bhfuil mar éifeacht orthu an séasúr saothraithe a ghiorrú go substaintiúil;

(b) ag airde níos ísle, láithreach thar chuid mhór den limistéar i dtrácht d'fhánaí atá róghéar d'úsáid innealra nó a bhfuil gá le húsáid trealaimh speisialta an-chostasach mar gheall orthu, nó teaghlaim den dá fhachtóir sin, i gcás nach bhfuil na srianta a eascraíonn ón dá cheann ar leith chomh géar sin ach go n-eascraíonn srianta cothroma ó theaghlaim an dá fhachtóir.

Measfar limistéir ó thuaidh den 62ú líne dhomhanleithid agus limistéir áirithe chóngaracha mar limistéir sléibhe.

3. D'fhonn a bheith incháilithe le haghaidh íocaíochtaí faoi Airteagal 31, measfar limistéir, seachas limistéir sléibhe, mar limistéir a bhfuil srianta suntasacha nádúrtha ag bagairt orthu má chomhlíonann 60 % ar a laghad den limistéar talmhaíochta arna úsáid ceann amháin ar a laghad de na critéir atá liostaithe in Iarscríbhinn III ar an luach tairsí léirithe.

Déanfar a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha sin ar leibhéal na n-aonad riaracháin áitiúil "leibhéal LAU2" nó ar leibhéal aonaid áitiúil atá sainithe go soiléir agus a chlúdaíonn limistéar geografach comhtheagmhálach aonair soiléir a bhfuil féiniúlacht riaracháin agus eacnamaíoch insainithe aige.

Nuair atá teorannú á dhéanamh ar na limistéir lena mbaineann an mhír seo, déanfaidh na Ballstáit cleachtadh mionchoigeartaithe, bunaithe ar chritéir oibiachtúla, agus é mar chuspóir limistéir a chur as an áireamh inar tuairiscíodh srianta suntasacha nádúrtha, dá dtagraítear sa chéad fhomhír ach gur sháraigh infheistíochtaí nó gníomhaíocht eacnamaíoch iad, nó mar thoradh ar ghnáthháirgiúlacht talún, nó má chúitítear leis na modhanna táirgeachta nó leis na córais feirmeoireachta an t-ioncam a chailltear nó na costais bhreise dá dtagraítear in Airteagal 31(1).

4. Beidh limistéir seachas iad siúd dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3 incháilithe le haghaidh íocaíochtaí faoi Airteagal 31 má tá tionchar ag srianta sonracha orthu agus i gcás gur cheart leanúint ar aghaidh le bainistiú talún chun an comhshaoil a chaomhnú nó a fheabhsú, an tuath a chothabháil chun acmhainneacht turasóireachta an limistéir a chaomhnú nó chun an t-imeallbhord a chosaint.

Is ionann limistéir a bhfuil tionchar ag srianta sonracha orthu agus limistéir feirmeoireachta ina bhfuil na dálaí táirgeachta nádúrtha comhchosúil agus nuair nach sáraíonn a raon iomlán 10 % d'achar an Bhallstáit lena mbaineann.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh limistéir incháilithe le haghaidh íocaíochtaí faoin mír seo, i gcás ina ndéantar an méid seo a leanas:

- go gcomhlíonann ar a laghad 60 % den limistéar talmhaíochta ar a laghad dhá cheann de na critéir atá liostaithe in Iarscríbhinn III agus gach ceann acu laistigh de chorrach nach mó ná 20 % den luach tairisí arna léiriú, nó
- go bhfuil ar a laghad 60 % den limistéar talmhaíochta comhdhéanta de limistéir a chomhlíonann ar a laghad ceann amháin de na critéir atá liostaithe in Iarscríbhinn III ag an luach tairisí arna léiriú, agus limistéir a chomhlíonann ar a laghad dhá cheann de na critéir atá liostaithe in Iarscríbhinn III agus gach ceann acu laistigh de chorrach nach mó ná 20 % den luach tairisí arna léiriú.

Déanfar a áirithiú go n-gcomhlíonfar na coinníollacha sin ar leibhéal LAU2 nó ar leibhéal aonaid áitiúil atá sainithe go soiléir agus a chlúdaíonn limistéar geografach comhtheagmhálach aonair soiléir a bhfuil féiniúlacht riaracháin agus eacnamaíoch insainithe aige. Agus limistéir a bhaineann leis an bhfomhír seo á teorannú, tabharfaidh na Ballstáit faoi chleachtadh mionchoigeartaithe mar a shainmhínítear é in Airteagal 32(3). Na limistéir a mheasfar atá incháilithe de bhun na fomhíre sin, cuirfear san áireamh iad chun an teorainn 10 % dá dtagraítear sa dara fomhír a ríomh.

De mhaolú, ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír i leith na mBallstát sin a measadh go raibh a críoch iomlán ina limistéar a raibh baic shonracha os a comhair faoi Rialachán(AE) Uimh. 1698/2005 agus Rialachán (AE) Uimh. 1257/1999.

5. Ceanglóidh Ballstáit lena gcláir forbartha tuaithe:

(a) an teorannú reatha nó leasaithe de bhun mhíreanna 2 agus 4;

(b) teorannú nua na limistéar dá dtagraítear i mír 3.

Airteagal 33

Leas ainmhithe

1. Faoin mbeart sin, deonófar íocaíochtaí leasa ainmhithe d'fheirmeoirí a ngabhann de láimh, ar bhonn deonach, oibríochtaí a dhéanamh a bhaineann le gealltanais maidir le leas ainmhithe amháin nó níos mó, agus d'fheirmeoirí ar fheirmeoirí gníomhacha iad de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.

2. Ní chumhdóidh íocaíochtaí leasa ainmhithe ach na gealltanais a théann thar na caighdeáin shainordaitheacha ábhartha arna mbunú de bhun Chaibidil 1 de Theideal VI de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus ceanglais shainordaitheacha ábhartha eile. Aithneofar na ceanglais ábhartha seo sa chláir.

Tabharfar faoi na gealltanais sin ar feadh tréimhse inathnuaite d'aon bhliain go seacht mbliana.

3. Deonófar na híocaíochtaí go bliantúil agus tabharfaidh siad cúiteamh do na feirmeoirí as an uile chostas breise agus ioncam ligthe thar ceal de thoradh ar an ngealltanais a rinneadh, nó as cuid de. Más gá, féadfaidh siad costais na n-idirbheart a chumhdach suas go luach 20 % den phréimh a íocadh as na gealltanais maidir le leas ainmhithe.

Beidh an tacaíocht teoranta don uasmhéid atá leagtha síos in Iarscríbhinn I.

4. Chun a áirithiú go mbeidh gealltanais faoi leas ainmhithe i gcomhréir le beartas foriomlán an Aontais sa réimse seo, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 83 den maidir le sainiú na réimsí inar ceart, leis na gealltanais sin, caighdeáin uasghrádaithe modhanna táirgthe a chur ar fáil.

Airteagal 34

Seirbhísí foraoise-comhshaoil agus aeráide agus caomhnú foraoise

1. Deonófar tacaíocht faoin mbeart seo in aghaidh an heicteáir foraoise, ar shealbhóirí foraoise agus ar chomhlachtaí poiblí agus príobháideacha iad agus ar chomhlachtaí eile faoin dlí poiblí agus príobháideach agus ar a gcomhlachais a ghabhann ar láimh, ar bhonn deonach, oibríochtaí arb ionann iad agus gealltanais amháin nó níos mó maidir leis an gcomhshaoil foraoise agus maidir leis an aeráid. I gcás foraoisí atá faoi úinéireacht stáit, ní fhéadfar tacaíocht a dheonú ach sa chás go bhfuil an fhoraois sin á bhainistiú ag comhlacht príobháideach nó ag bardas.

I gcás gabháltas foraoise thar thairseach áirithe, a chinnfidh na Ballstáit ina gcláir um fhorbairt tuaithe, tabharfar tacaíocht faoi mhír 1 ar choinníoll go soláthrófar faisnéis ábhartha a thiocfaidh ó phlean bainistithe foraoise nó ó ionstraim chomhionann atá ag luí le bainistiú inbhuanaithe foraoisí mar atá sainithe ag an gComhdháil Aireachta um Chosaint Foraoisí san Eoraip 1993.

2. Ní chumhdóidh íocaíochtaí leasa ainmhithe ach na gealltanais a théann thar na caighdeáin shainordaitheacha ábhartha arna mbunú leis an acht foraoiseachta náisiúnta nó le reachtaíocht náisiúnta ábhartha eile. Sainaitheofar na ceanglais uile den sórt sin sa chlár.

Tabharfar faoi na gealltanais ar feadh tréimhse idir cúig bliana agus seacht mbliana. Féadfaidh Ballstáit tréimhse níos faide a shocrú ina gclár forbartha tuaithe le haghaidh cineálacha áirithe gealltanais nuair is gá agus nuair atá údar cuí leis, áfach.

3. Tabharfaidh na híocaíochtaí cúiteamh do na tairbhíthe as an uile chostas breise agus ioncam ligthe thar ceal de thoradh ar na gealltanais a rinneadh, nó as cuid díobh. Nuair is gá, féadfaidh siad costais na n-idirbheart a chumhdach suas le luach 20 % den phréimh a íocadh as na gealltanais comhshaoil foraoise. Beidh an tacaíocht teoranta don uasmhéid atá leagtha síos in Iarscríbhinn I.

I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, maidir le hoibríochtaí lena mbaineann caomhnú comhshaoil, féadfar tacaíocht a dheonú mar íocaíocht ar ráta comhréidh nó mar íocaíocht aonuaire in aghaidh an aonaid i gcás gealltanais chun úsáid tráchtála a bhaint as crainn agus foraoisí a thréigean, arna ríomh ar bhonn na gcostas breise a thabhaítear agus an t-ioncam ligthe thar ceal.

4. Féadfar tacaíocht a sholáthar d'eintitis phoiblí agus phríobháideacha as acmhainní géiniteacha foraoise a chaomhnú agus a chur chun cinn le haghaidh oibríochtaí nach gclúdaítear faoi mhíreanna 1, 2 agus 3.

5. Chun a áirithiú go n-úsáidfeadh acmhainní buiséadacha CETFT go héifeachtúil, beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 83 maidir leis na cineálacha oibríochtaí atá incháilithe le haghaidh tacaíochta faoi mhír 4 den Airteagal seo.

Airteagal 35

Comhar

1. Deonófar tacaíocht faoin mbeart seo d'fhonn cineálacha comhar a chur chun cinn a bhfuil baint ag dhá eintiteas ar a laghad leo agus go háirithe an méid a leanas:

(a) cineálacha cur chuige comhair i measc gníomhaithe difriúla san earnáiltalmhaíochta, san earnáil foraoiseachta agus sa bhiaslabhra agus foraoiseachta an Aontais, chomh maith leis sa slabhra bia agus gníomhaithe eile a rannchuidíonn chun cuspóirí agus tosaíochtaí an bheartais forbartha tuaithe a bhaint amach, lena n-áirítear grúpaí táirgeoirí, comhar-chumainn agus eagraíochtaí idirchraoibhe;

(b) braislí agus gréasáin a chruthú;

(c) grúpaí oibriúcháin de chuid CEN i gcomhair táirgiúlachta agus inbhuanaitheachta talmhaíochta dá dtagraítear dóibh in Airteagal 56 a bhunú agus a oibriú.

2. Bainfidh an comhar faoi mhír 1, go háirithe, leo seo a leanas:

(a) treoirthionscadail;

(b) táirgí, cleachtais, próisis agus teicneolaíochtaí nua a fhorbairt in earnálacha na talmhaíochta, an bhia agus na foraoiseachta;

(c) comhar i measc oibreoirí beaga maidir le comhphróisis oibre a eagrú agus áiseanna agus acmhainní a chomhroinnt agus chun seirbhísí turasoireachta a bhaineann le turasoireacht tuaithe a fhorbairt agus/nó a mhargú;

(d) comhar cothrománach agus ingearach i measc gníomhaithe sa slabhra bia chun slabhraí soláthair gearra agus margáí áitiúla a bhunú agus a fhorbairt;

(e) gníomhaíochtaí cur chun cinn i gcomhthéacs áitiúil a bhaineann le slabhraí soláthair gearra agus margáí áitiúla a fhorbairt;

(f) gníomhaíocht chomhpháirteach a dhéantar d'fhonn an t-athrú aeráide a mhaolú nó oiriúnú don athrú sin;

(g) cineálacha cur chuige comhchoiteann i leith tionscadal comhshaoil agus cleachtas leanúnach comhshaoil, lena n-áirítear bainistiú éifeachtúil uisce, fuinneamh inathnuaite a úsáid agus tírdhreacha talmhaíochta a chaomhnú;

(h) comhar cothrománach agus ingearach i measc gníomhaithe sa slabhra soláthair i soláthar inbhuanaithe bithmhaise le húsáid i dtáirgeadh bia agus fuinnimh agus i bpróisis thionsclaíochta;

(i) straitéisí forbartha áitiúla, seachas na cinn sin a shainítear in Airteagal 2(19) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a théann i ngleic le ceann amháin nó níos mó de thosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe, a chur chun feidhme, go háirithe ag grúpaí de chomhpháirtithe poiblí agus príobháideacha seachas na cinn sin a shainítear i bpointe (b) d'Airteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013;

(j) pleananna bainistithe foraoise nó ionstraimí coibhéiseacha a tharraingt suas.

(k) gníomhaíochtaí feirmeoireachta a éagsúlú ina ngníomhaíochtaí a bhaineann le cúram sláinte, le comhtháthú sóisialta, le talmhaíocht arna tacú ag an bpobal agus le hoideachas faoin gcomhshaoil agus faoi bhia.

3. Ní dheonófar tacaíocht faoi phointe (b) de mhír 1 ach ar bhraislí agus ar ghréasáin nuabhunaithe agus orthusan faoina mbunaítear gníomhaíocht nua.

Féadfar tacaíocht le haghaidh oibríochtaí faoi phointe (a) agus faoi phointe (b) de mhír 2 a dheonú freisin ar ghníomhaithe aonair sa chás ina ndéantar foráil don fhéidearthacht seo sa chlár forbartha tuaithe.

4. Scaipfear na torthaí ó threoirthionscadail faoi phointe (a) de mhír 2 agus ó oibríochtaí faoi phointe (b) de mhír 2 arna ndéanamh ag gníomhaithe aonair mar a fhoráiltear dóibh i mír 3.

5. Beidh na costais seo a leanas, atá nasctha leis na cineálacha comhair dá dtagraítear i mír 1, incháilithe le haghaidh tacaíochta faoin mbeart seo:

(a) costais staidéir ar an limistéar lena mbaineann, staidéir indéantachta, agus costais maidir le plean gnó, nó plean bainistithe foraoise nó a choibhéis nó straitéis forbartha áitiúil a chur i dtoll a chéile, seachas an ceann dá dtagraítear in Airteagal 33 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013;

(b) costais bheochan an limistéir lena mbaineann ionas gur indéanta a bheadh tionscadal críche comhchoiteann nó tionscadal a bheadh le cur i gcrích ag grúpa oibríúchán de chuid CEN do Tháirgiúlacht agus Inbhuanaitheacht talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 56. I gcás braislí, d'fhéadfadh eagrú oiliúna, líonrú i measc na mball agus baill nua a earcú a bheith i gceist le beochan freisin;

(c) costais reatha an chomhair;

(d) costais dhíreacha tionscadal sonracha atá nasctha le cur chun feidhme plean gnó, plean don chomhshaoil, plean bainistithe foraoise nó a choibhéis, straitéis forbartha áitiúil seachas an ceann dá dtagraítear in Airteagal 33 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, nó costais dhíreacha gníomhartha eile atá dírithe ar nuálaíocht, lena n-áirítear tástáil;

(e) costais a bhaineann le gníomhaíochtaí cur chun cinn.

6. I gcás ina gcuirtear plean gnó, plean don chomhshaoil, plean bainistithe foraoise nó a choibhéis nó straitéis forbartha chun feidhme, féadfaidh na Ballstáit an chabhair a dheonú mar shuim uilíoch a chumhdóidh costais an chomhair agus costais na dtionscadal a chuirtear chun feidhme, é sin nó suim a chumhdóidh costais an chomhair amháin agus úsáidfidh na Ballstáit cistí ó bhearta eile nó ó Chistí eile an Aontais le haghaidh cur chun feidhme na dtionscadal.

I gcás ina n-íoctar tacaíocht mar mhéid iomlán agus gur de chineál a chumhdaítear faoi bheart eile den Rialachán seo é an tionscadal a chuirfear chun feidhme, beidh feidhm ag an uasmhéid ábhartha nó an ráta ábhartha tacaíochta.

7. Beidh comhar i measc gníomhaithe atá lonnaithe i réigiúin nó i mBallstáit dhifriúla incháilithe le haghaidh tacaíochta freisin.

8. Beidh an tacaíocht teoranta d'uastreimhse seacht mbliana seachas le haghaidh gníomhartha comhchoitinne comhshaoil i gcásanna a bhfuil údar cuí leo.

9. Féadfar an comhar faoin mbeart seo a chur le chéile le tionscadail a bhfuil tacaíocht acu ó chistí an Aontais seachas ó CETFT sa chríoch céanna. Áiríteoidh na Ballstáit go seachnófar róchúiteamh de thoradh ar theaghlaim den bheart seo agus d'ionstraimí eile tacaíochta náisiúnta nó de chuid an Aontais.

10. Chun a áirithiú go mbainfear leas éifeachtúil as acmhainní buiséadacha CETFT, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 83 maidir le tuilleadh sonraíochta ar shaintréithe na dtreoirthionscadal, na mbraislí, na ngréasán, na slabhraí soláthair gairide agus na margaí áitiúla a bheidh incháilithe chun tacaíocht a fháil, agus maidir leis na coinníollacha chun cabhair a dheonú do na cineálacha oibríochta arna liostú i mír 2 den Airteagal seo chomh maith.

Airteagal 36

Bainistiú riosca

1. Cuimseofar sa tacaíocht faoin mbeart seo:

(a) ranníocaíochtaí airgeadais le préimheanna le haghaidh árachas barr, ainmhithe agus plandaí i gcoinne cailteanas eacnamaíoch d'fheirmeoirí a tharla de dhroim teagmhas díobhálach aeráide, galar ainmhithe nó plandaí, foirgeachta le lotnaidí, nó teagmhais comhshaoil;

(b) ranníocaíochtaí airgeadais le cistí frithpháirteacha chun cúitimh airgeadais a íoc le feirmeoirí, as cailteanais eacnamaíocha a tharla de dhroim teagmhas díobhálach aeráide nó de dhroim ráige de ghalair ainmhithe nó phlandaí nó foirgeachta le lotnaidí nó teagmhais comhshaoil;

(c) uirlis cobhsaithe ioncain, i bhfoirm ranníocaíochtaí airgeadais le cistí frithpháirteacha, trína gcuirtear cúiteamh ar fáil d'fheirmeoirí le haghaidh titime géire ar a n-ioncam.

2. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn "feirmeoir" feirmeoir gníomhach de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.

3. Chun críocha phointe (b) agus phointe (c) de mhír 1, ciallaíonn 'ciste frithpháirteach' scéim arna creidiúnú ag an mBallstát i gcomhréir lena dhlí náisiúnta le haghaidh feirmeoirí cleamhnaithe chun iad féin a chur faoi árachas, trína ndéantar íocaíochtaí cúitimh le feirmeoirí cleamhnaithe le haghaidh cailteanas eacnamaíocha a tharla de dhroim ráige de theagmhais dhíobhálacha aeráide nó ráige de ghalair ainmhithe nó phlandaí, foirgeacht le lotnaidí nó teagmhais comhshaoil, nó cailteanais de dheasca ainmhithe fiáine nó le haghaidh [...] titim ghéar a bheith ar a n-ioncam.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go seachnófar róchúiteamh de thoradh ar theaghlaim den bheart seo agus d'ionstraimí eile tacaíochta náisiúnta nó de chuid an Aontais nó scéimeanna árachais phríobháidigh.

5. Chun a áirithiú go n-úsáidfeadh acmhainní buiséadacha CETFT go héifeachtúil, beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 83 maidir le híostréimhse agus le huastréimhse na n-iasachtaí tráchtála le cistí frithpháirteacha dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 38(3) agus Airteagal 39(4).

Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme an Airteagail seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 31 Nollaig 2018.

Airteagal 37

Árachas do bharr, d'ainmhithe agus do phlandaí

1. Ní dheonófar tacaíocht faoi phointe (a) d'Airteagal 36(1) ach le haghaidh conarthaí árachais lena gcumhdaítear cailteanas a tharla de dhroim teagmhais díobhálaigh aeráide, nó galair ainmhithe nó galair plandaí, nó foirgeachta le lotnaidí, nó teagmhais comhshaoil nó beart a ghlacadh i gcomhréir le Treoir 2000/29/CE maidir le díothú nó rialú a dhéanamh ar ghalar plandaí, nó ar fhoirgeacht le lotnaidí a scriosann níos mó ná 30 % de mheántáirgeacht bhliantúil an fheirmeora sa tréimhse trí bliana roimhe sin nó meán trí bliana bunaithe ar an tréimhse cúig bliana roimhe sin, ag fágáil an iontráil is airde agus an iontráil is ísle ar lár. Féadfar innéacsanna a úsáid d'fhonn táirgiúlacht bhliantúil an fheirmeora a ríomh. Beifear in ann cailteanas iarbhír feirmeora aonair in aon bhliain ar leith a chinneadh tríd an modh ríofa a úsáidtear.

Féadfar an tomhas ar mhéid an chaillteanais a tharla a chur in oiriúint do shaintréithe gach cineáil táirge agus leas á bhaint as an méid a leanas:

- (a) innéacsanna bitheolaíoch (cainníocht an chaillteanais bithmhaise) nó innéacsanna coibhéiseacha cailteanais táirgeachta a bhunaítear ar leibhéal na feirme, ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta, nó
- (b) innéacsanna aimsire (lena n-áirítear cainníocht na báistí agus an teocht) a bhunaítear ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta.

2. Ní mór d'údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann tarlú de theagmhas díobhálach aeráide nó ráig de ghalar ainmhithe nó phlandaí nó foirgeacht le lotnaidí nó teagmhais comhshaoil a aithint go foirmiúil mar tharlú den sórt sin.

Féadfaidh na Ballstáit, nuair is iomchuí, critéir a bhunú roimh ré faoin mbunús faoina measfar go bhfuil aitheantas foirmiúil den sórt sin deonaithe.

3. Maidir le galair ainmhithe, ní fhéadfar cúiteamh airgeadais faoi phointe (a) d'Airteagal 36(1) a dheonú ach i leith na ngalar a luaitear sa liosta de ghalar ainmhithe a bhunaigh an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe nó san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2009/470/CE.

4. Ní thabharfaidh íocaíochtaí árachais cúiteamh as níos mó ná iomlán an chostais a bhaineann leis na cailteanais dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 36(1) a ionadú agus ní cheanglófar leo cineál nó méid na táirgeachta amach anseo, agus ní shonróidh siad an cineál ná an méid sin.

Féadfaidh na Ballstáit teorainn a chur le méid na préimhe atá incháilithe le haghaidh tacaíochta trí uasteorainneacha oiriúnacha a chur i bhfeidhm.

5. Beidh an tacaíocht teoranta don uasmhéid atá leagtha síos in Iarscríbhinn II.

Airteagal 38

Cistí frithpháirteacha le haghaidh teagmhas díobhálach aeráide, galar ainmhithe agus plandaí, foirgeachta le lotnaidí agus teagmhas comhshaoil

1. Chun a bheith incháilithe le haghaidh tacaíochta, beidh an méid seo a leanas ag an gciste frithpháirteach lena mbaineann:

- (a) creidiúnú ón údarás inniúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;
- (b) beartas trédhearcach i leith íocaíochtaí isteach agus aistarraingtí amach as an gciste;
- (c) rialacha soiléire lena leagtar síos freagrachtaí as fiacha ar bith a thabhaítear.

2. Saineoidh na Ballstáit na rialacha maidir le comhdhéanamh agus bainistiú na gcistí frithpháirteacha, go háirithe maidir le íocaíochtaí cúitimh a dheonú agus cáilitheacht feirmeoirí i gcás géarchéime agus maidir le riarachán agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha sin. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar foráil do phionóis i gcás mórfhaillí ar pháirt an fheirmeora sna socrúithe cistí.

Ní mór d'údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann tarlú de theagmhas a luaitear i bpointe (b) d'Airteagal 36(1) a aithint go foirmiúil mar tharlú den chineál sin.

3. Ní fhéadfaidh baint a bheith ag na ranníocaíochtaí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 36(1)(b) ach leo seo a leanas:

- (a) na costais riaracháin chun an ciste frithpháirteach a bhunú, dáilte thar trí bliana ar a mhéad ar mhodh céimlaghdaitheach;
- (b) na suimeanna arna n-íoc ag an gciste frithpháirteach mar chúiteamh airgeadais le feirmeoirí. Ina theannta sin, féadfaidh an ranníocaíocht airgeadais a bheith bainteach le hús ar iasachtaí tráchtála a thógann an ciste frithpháirteach amach ar mhaithe le cúiteamh airgeadais a íoc le feirmeoirí i gcás géarchéime.

Ní dheonófar tacaíocht faoi phointe (b) d'Airteagal 36(1) ach lena gcumhdaítear cailteanas a tharla de dhroim teagmhais dhíobhálaigh aeráide nó galair ainmhithe nó phlandaí nó foirgeachta le lotnaidí nó beart a ghlacadh i gcomhréir le Treoir 2000/29/CE maidir le díothú nó rialú a dhéanamh ar ghalar plandaí nó ar fhoirgeacht le lotnaidí, nó ar theagmhas comhshaoil, a scriosann níos mó ná 30 % de mheántáirgeacht bhliantúil an fheirmeora sa tréimhse trí bliana roimhe sin nó meán trí bliana bunaithe ar an tréimhse cúig bliana roimhe sin,

ag fágáil an iontráil is airde agus an iontráil is ísle ar lár. Féadfar innéacsanna a úsáid d'fhonn táirgiúlacht bhliantúil an fheirmeora a ríomh. Beifear in ann cailteanas iarbhr feirmeora aonair in aon bhliain ar leith a chinneadh tríd an modh ríofa a úsáidtear.

Ní dhéanfar ranníocaíocht ó chistí poiblí i leith stoic caipitil tosaigh.

4. Maidir le galair ainmhithe, féadfar cúiteamh airgeadais faoi phointe (b) d'Airteagal 36(1)a dheonú i leith na ngalar a luaitear sa liosta de ghalair ainmhithe a bhunaigh an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe nó san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2009/470/CE.

5. Beidh an tacaíocht teoranta don uasráta tacaíochta atá leagtha síos in Iarscríbhinn II.

Féadfaidh na Ballstáit teorainn a chur leis na costais atá incháilithe le haghaidh tacaíochta trí na nithe seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- (a) uasteorainneacha in aghaidh an chiste;
- (b) uasteorainneacha oiriúnacha in aghaidh an aonaid.

Airteagal 39

Uirlis um chobhsaíocht ioncam

1. Ní dheonófar tacaíocht faoi phointe (c) d'Airteagal 36(1)ach amháin má tá an títim san ioncam níos mó ná 30 % de mheán-ioncam bliantúil an fheirmeora aonair sa tréimhse trí bliana roimhe sin nó meán trí bliana bunaithe ar an tréimhse cúig bliana roimhe sin, ag fágáil an iontráil is airde agus an iontráil is ísle ar lár. Chun críocha Airteagal 36(1)(c), tagróidh ioncam do shuim na n-ioncam a fhaigheann an feirmeoir ón margadh, lena n-áirítear tacaíocht phoiblí de chineál ar bith, lúide costais ionchuir. Tabharfaidh íocaíochtaí ón gciste frithpháirteach le feirmeoirí cúiteamh as níos lú ná 70 % den ioncam a cailleadh le linn na bliana a bheidh an táirgeoir incháilithe an cúnaimh sin a fháil.

2. Chun a bheith incháilithe le haghaidh tacaíochta, beidh an méid seo a leanas ag an gciste frithpháirteach lena mbaineann:

- (a) creidiúnú ón údarás inniúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;
- (b) beartas trédhearcach i leith íocaíochtaí isteach agus aistarraingtí amach as an gciste;
- (c) rialacha soiléire lena leagtar síos freagrachtaí as fiacha ar bith a thabhaítear.

3. Saineoidh na Ballstáit na rialacha maidir le comhdhéanamh agus bainistiú na gcistí frithpháirteacha, go háirithe maidir le híocaíochtaí cúitimh a dheonú d'fheirmeoirí i gcás géarchéime agus maidir le riarachán agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha sin. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar foráil do phionóis i gcás mórfaillí ar pháirt an fheirmeora sna socruithe cistí.

4. Ní fhéadfaidh baint a bheith ag na ranníocaíochtaí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 36(1) ach leo seo a leanas:

- (a) na costais riaracháin chun an ciste frithpháirteach a bhunú, dáilte thar trí bliana ar a mhéad ar mhodh céimlaghdaitheach;
- (b) na suimeanna arna n-íoc ag an gciste frithpháirteach mar chúiteamh airgeadais le feirmeoirí. Ina theannta sin, féadfaidh an ranníocaíocht airgeadais a bheith bainteach le hús ar iasachtaí tráchtála a thógann an ciste frithpháirteach amach ar mhaithe le cúiteamh airgeadais a íoc le feirmeoirí i gcás géarchéime. Ní dhéanfar ranníocaíocht ó chistí poiblí i leith stoic caipitil tosaigh.

5. Beidh an tacaíocht teoranta don uasmhéid atá leagtha síos in Iarscríbhinn I.

Airteagal 40

Íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha don Chróit a mhaoiniú

1. Féadfar tacaíocht a dheonú d'fheirmeoirí atá incháilithe le haghaidh íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha faoi Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013. Beidh feidhm ag na coinníollacha atá leagtha síos san Airteagal sin freisin maidir leis an tacaíocht atá le deonú faoin Airteagal seo.

2. Ní rachaidh méid na tacaíochta arna deonú d'fheirmeoir i ndáil leis na blianta 2014, 2015 agus 2016 thar an difríocht idir:

- (a) leibhéal na n-íocaíochtaí díreacha is infheidhme sa Chróit don bhliain lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013; agus
- (b) 45 % de leibhéal comhfhreagrach na n-íocaíochtaí díreacha arna gcur i bhfeidhm ó 2022 amach.

3. Ní rachaidh ranníocaíocht an Aontais leis an tacaíocht arna deonú faoin Airteagal seo sa Chróit i ndáil leis na blianta 2014, 2015 agus 2016 thar 20 % de leithdháileadh iomlán bliantúil ábhartha CETFT.

4. Ní rachaidh ráta ranníocaíochta CETFT i ndáil le comhlánú na n-íocaíochtaí díreacha thar 80 %.

Airteagal 41

Rialacha maidir leis na bearta a chur chun feidhme

Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos rialacha maidir le cur chun feidhme na mbeart sa roinn seo a ghlacadh i dtaca leis an méid seo a leanas:

- (a) nósanna imeachta maidir le húdaráis nó comhlachtaí a roghnú a thairgeann seirbhísí comhairleacha feirme agus foraoiseachta, seirbhísí bainistithe feirme nó faoisimh feirme agus céimlaghdú na cabhrach faoin mbeart seirbhísí comhairleacha dá dtagraítear in Airteagal 15;

- (b) measúnú an Bhallstáit ar dhul chun cinn an phlean gnó, roghanna íocaíochta chomh maith le módúlachtaí maidir le rochtain ar bhearta eile le haghaidh feirmeoirí óga faoin mbeart forbartha feirme agus gnó dá dtagraítear in Airteagal 19;
- (c) comhshó go haonaid eile seachas na haonaid sin a úsáidtear in Iarscríbhinn II, agus rátaí comhshó na n-ainmhithe ina n-aonaid bheostoic (AB) faoi na bearta dá dtagraítear in Airteagal 28, 29, 33 agus 34;
- (d) an fhéidearthacht maidir le toimhdí caighdeánacha na gcostas breise a úsáid chomh maith le hioncam a ligtear thar ceal faoi bhearta Airteagal 28 go 31, 33 agus 34 agus na critéir chun é a ríomh;
- (e) méid na tacaíochta a ríomh nuair atá oibríocht incháilithe le haghaidh tacaíochta faoi níos mó ná beart amháin.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 84.

LEADER

Airteagal 42

Grúpaí áitiúla gníomhaíochta LEADER

1. Sa bhreis ar na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 34 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 féadfaidh grúpaí áitiúla gníomhaíochta cúraimí breise arna dtarlúgáil chucu ag an Údarás Bainistíochta agus/nó ag an ngníomhaireacht íocaíochta a chomhlíonadh.

2. Féadfaidh grúpaí áitiúla gníomhaíochta réamhíocaíocht a iarraidh ón ngníomhaireacht inniúil íocaíochta má dhéantar foráil maidir le féidearthacht den sórt sin sa chlár forbartha tuaithe. Ní bheidh méid na réamhíocaíochtaí níos mó ná 50 % den tacaíocht phoiblí a bhaineann leis na costais reatha agus bheochana.

Airteagal 43

Pacáiste tionscnaimh LEADER

Féadfar a áireamh ar fhorbairt áitiúil Leader "pacáiste tionscnaimh LEADER" do phobail áitiúla nár chuir Leader chun feidhme sa chlárthréimhse 2007-2013. Is é a bheidh sa "pacáiste tionscnaimh Leader" tacaíocht d'fhorbairt acmhainní agus do threoirthionscadail bheaga. Ní bheidh tacaíocht faoi phacáiste tionscnaimh LEADER coinníollach ar straitéis forbartha áitiúil Leader a chur isteach.

Airteagal 44

Gníomhaíochtaí comhair LEADER

1. Déanfar an tacaíocht dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 35(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a dheonú do na gníomhaíochtaí seo

(a) tionscadail chomhair laistigh de Bhallstát (comhar idir-chríochach), nó tionscadail chomhair idir chríocha i roinnt Ballstát nó le críocha i dtríú tíortha (comhar trasnáisiúnta).

(b) tacaíocht theicniúil ullmhúcháin le haghaidh tionscadal comhair idir chríocha agus thrasnáisiúnta, ar chuntar gur féidir le grúpaí áitiúla gníomhaíochta a léiriú go bhfuil cur chun feidhme tionscadail nithiúil faoi chaibidil acu.

2. Cé is moite de ghrúpaí áitiúla gníomhaíochta eile, féadfaidh siad seo a leanas a bheith ina gcomhpháirtithe i ngrúpa áitiúil gníomhaíochta faoi CETFT:

(a) grúpa de chomhpháirtithe áitiúla poiblí agus príobháideacha i gcrích tuaithe a bhfuil straitéis áitiúil forbartha á cur chun feidhme aici laistigh den Aontas nó lasmuigh de;

(b) grúpa de chomhpháirtithe áitiúla poiblí agus príobháideacha i gcrích neamh-tuaithe a bhfuil straitéis áitiúil forbartha á cur chun feidhme aici.

3. I gcásanna nach roghnaíonn na grúpaí áitiúla gníomhaíochta na tionscadail comhair, bunóidh na Ballstáit córas iarratais leanúnaigh.

Poibleoidh siad na nósanna imeachta náisiúnta nó réigiúnacha riaracháin a bhaineann le roghnú na dtionscadal comhair thrasnáisiúnta chomh maith le liosta de na costais incháilithe dhá bliain ar a dhéanaí tar éis dháta formheasa a gclár forbartha tuaithe.

Formheasfaidh an t-údarás inniúil na tionscadail comhair tráth nach déanaí ná ceithre mhí tar éis an dáta ar cuireadh isteach an tionscadal iarratais.

4. Cuirfidh na Ballstáit na tionscadail comhair thrasnáisiúnta fhaofa in iúl don Choimisiún.

CAIBIDIL II

Forálacha comhchoiteanna do roinnt beart

Airteagal 45

Infheistíochtaí

1. I gcás gur dócha go mbeidh drochthionchar ag oibríocht infheistíochta ar an gcomhshaol, chun a bheith incháilithe d'oibríocht infheistíochta tacaíochta CETFT déanfar measúnú roimh ré ar an tionchar ionchasach ar an gcomhshaol. Déanfar an measúnú tionchair sin i gcomhréir le haon dlí a bhaineann go sonrach leis an gcineál infheistíochta sin.

2. Beidh caiteachas atá incháilithe do thacaíocht CETFT teoranta dóibh seo a leanas:

(a) réadmhaoin a thógáil, a fháil, lena n-áirítear léasú, nó a fheabhsú;

(b) innealra agus trealamh nua a cheannach nó a cheannach ar léas suas go luach margaidh na sócmhainne;

(c) costais ghinearálta a bhaineann le caiteachas dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b), amhail táillí ailtire, innealtóra agus comhairliúcháin, táillí maidir le comhairle faoi inbhuanaitheacht comhshaoil agus eacnamaíoch, lena n-áirítear staidéir indéantachta. Beidh staidéir indéantachta mar chaiteachas incháilithe i gcónaí, fiú sa chás, bunaithe ar a dtorthaí, nach ndéanfar aon chaiteachas faoi pointe (a) agus pointe (b);

(d) na hinfheistíochtaí doláimhsithe a leanas: bogearraí ríomhairreachta a fháil nó a fhorbairt agus paitinní, ceadúnais, cóipchearta, trádmharcanna a fháil;

(e) na costais a bhaineann le pleananna bainistithe foraoisí agus a gcoibhéis a bhunú.

3. I gcás infheistíochtaí talmhaíochta, ní bheidh ceannach ceart táirgthe talmhaíochta, teidlíochtaí íocaíochta, ainmhithe, plandaí bliantúla agus iad a phlandáil incháilithe le haghaidh tacaíochta infheistíochta. Mar sin féin, i gcás athshlánaithe ar chumas féideartha táirgthe talmhaíochta a ndearna tubaistí nádúrtha nó teagmhais thurraingeacha damáiste dóibh i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 18(1), d'fhéadfadh caiteachas chun ainmhithe a cheannach a bheith ina chaiteachas incháilithe.

4. Féadfaidh tairbhíthe na tacaíochta a bhaineann le hinfeistíocht iarratas a dhéanamh ar réamhíocaíocht de suas le 50 % den chúnamh poiblí a bhaineann leis an infheistíocht chuig na húdaráis íochta inniúla má tá an rogha sin san áireamh sa chlár forbartha tuaithe.

5. Maidir le caipiteal oibre atá coimhdeach agus a bhfuil ceangail aige le hinfeistíocht nua in earnáil na talmhaíochta nó earnáil na foraoiseachta, a fhaigheann tacaíocht ó CETFT trí ionstraim airgeadais arna bunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, d'fhéadfadh sé a bheith ina chaiteachas incháilithe. Ní rachaidh caiteachas incháilithe den sórt sin thar 30 % de mhéid iomlán an chaiteachais incháilithe don infheistíocht. Beidh bunús cuí leis an iarratas ábhartha.

6. Chun saintréithe cineálacha áirithe infheistíochtaí a chur san áireamh, beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 83 lena leagtar síos na coinníollacha faoinar féidir glacadh le costais eile a bhaineann le conarthaí léasaithe, trealamh athláimhe a mheas mar chaiteachas incháilithe agus a shainíonn na cineálacha bonneagair don fhuinneamh inathnuaite a bheidh incháilithe le haghaidh tacaíochta.

Airteagal 46

Infheistíochtaí in uisce

1. Gan dochar d'Airteagal 45 den Rialachán seo, i gcás uiscithe i limistéir uiscithe atá nua agus a bhí ann cheana féin, ní mheasfar ach infheistíochtaí ina gcomhlíonfar na coinníollacha san Airteagal seo mar chaiteachas incháilithe:

2. cuirfear fógra chuig an gCoimisiún maidir le plean bainistithe abhantracha, mar a cheanglaítear faoi théarmaí na Treorach Réime maidir le hUisce, don limistéar iomlán ina ndéanfar an infheistíocht, chomh maith leis in an aon limistéir eile a mbeidh tionchar ag an infheistíocht ar a gcomhshaoil; na bearta a bheidh feidhm acu faoin bplean bainistithe abhantracha i gcomhréir le hAirteagal 11 den Treoir Reime maidir le hUisce atá ábhartha d'earnáil na talmhaíochta, beidh siad sonraithe i gclár ábhartha na mbeart.

3. beidh an méadrú uisce lena gcumasófar úsáid uisce a thomhas ar leibhéal na hinfeistíochta tacaíthe i bhfeidhm nó cuirfear i bhfeidhm é mar chuid den infheistíocht.

4. I gcás inar feabhas í infheistíocht ar shuiteálacha uiscithe atá ann cheana nó ar chuid d'infrastruchtúr uiscithe, ní bheidh sí incháilithe ach amháin má dhéantar measúnú ex-ante uirthi go bhfuil sábháil fhéidearthach ar uisce de idir 5 % agus 25 % ar a laghad i gceist i gcomhréir le paraiméadair theicniúla na suiteála nó an infrastruchtúir atá ann cheana.

Má tá éifeacht ag an infheistíocht ar dhobharlaigh nó ar uisce talún a bhfuil a stádas aitheanta mar stádas nach bhfuil go maith sa phlean bainistithe abhantracha ar chúiseanna a bhaineann le cainníocht uisce

(a) go n-áirítear leis an infheistíocht laghdú éifeachtach in úsáid an uisce ag leibhéal na hinfeistíochta, ag iomlán de 50 % den tsábháil uisce a d'fhéadfadh bheith ann mar thoradh ar an infheistíocht; agus

(b) i gcás infheistíochta i ngabháltas talmhaíochta aonair, beidh toradh air freisin le laghdú ar úsáid iomlán uisce an ghabháltais ag iomlán de 50 % ar a laghad den tsábháil uisce a d'fhéadfadh bheith ann mar thoradh ar leibhéal na hinfeistíochta. Cuimseoidh úsáid iomlán an ghabháltais uisce atá á dhíol ag an ngabháltas.

Ní bheidh feidhm ag aon cheann de na coinníollacha i mír 4 ar infheistíocht i suiteáil atá ann cheana agus a bhfuil éifeacht aici ar éifeachtúlacht fuinnimh nó ar infheistíocht a bhaineann le cumar uisce a chruthú nó ar infheistíocht a bhaineann le huisce athchúrsáilte a úsáid nach mbeidh éifeacht aige ar dhobharlach nó ar uisce talún.

5. Chun críocha pointe (d) de mhír 1, beidh incháilitheacht le haghaidh tacaíocht ó CETFT coinníollach chomh maith ar na nithe seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) níl stádas an dotharlaigh aitheanta mar stádas nach bhfuil go maith sa phlean bainistithe abhantracha ar chúiseanna a bhaineann le cainníocht uisce; agus

(b) léirítear le hanailís chomhshaoil nach mbeidh tionchar diúltach suntasach ag an infheistíocht ar an gcomhshaoil; déanfaidh an t-údarás inniúil anailís den chineál sin ar an tionchar ar an gcomhshaoil a chur i gcrích nó formheasfaidh sé í agus féadfar tagairt a dhéanamh inti do ghrúpaí gabháltas freisin.

Maidir le limistéir nach bhfuil uiscithe ach ina raibh suiteáil uiscithe gníomhach le déanaí, a bhunófar agus a dtabharfar bonn cirt dó sa chlár, féadfar iad a mheas mar limistéir uiscithe chun críche an glanmhéadú ar an limistéar uiscithe a chinneadh.

6. De mhaolú ar phointe (a) de mhír 5, féadfaidh infheistíochtaí a mbíonn glanmhéadú ar an limistéar uiscithe mar thoradh uirthi bheith incháilithe do thacaíocht ó CETFT ar choinníoll:

- (a) go bhfuil an infheistíocht comhcheangailte le hinfeistíocht ar shuiteáil uiscithe atá ann cheana nó le cuid d'infrastruchtúr uiscithe má dhéantar measúnú ex-ante go bhfuil sábháil fhéidearthach ar uisce de idir 5 % agus 25 % ar a laghad i gceist i gcomhréir le paraiméadair theicniúla na suiteála nó an infrastruchtúir atá ann cheana agus
- (b) go n-áiríthear leis an infheistíocht laghdú éifeachtach ar úsáid uisce, ar leibhéal na hinfeistíochta ina hiomláine, arb ionann é agus 50 % den tsábháil uisce a d'fhéadfadh bheith ann mar thoradh ar an infheistíocht sa suiteáil uiscithe atá ann cheana nó i gcuid d'infrastruchtúr uiscithe.

Thairis sin, mar mhaolú, ní bheidh feidhm ag an gcoinníoll i bpointe (a) de mhír 5 maidir le hinfeistíochtaí i mbunú suiteála nua uiscithe a sholáthrófar uisce di ó chumar uisce atá ann cheana féin a d'fhormheas na húdaráis inniúla roimh an 31 Deireadh Fómhair 2013 má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- aithnítear an cumar uisce atá i gceist sa phlean bainistithe abhantracha ábhartha agus tá sé faoi réir na gceanglas rialaithe a leagtar amach in Airteagal 11(3)(e) den Treoir Réime maidir le hUisce;
- an 31 Deireadh Fómhair 2013 bhí uasteorainn i bhfeidhm ar asbhaintí iomlána ón gcumar uisce nó íosleibhéal sreafa a éilítear ar dhobharlaigh a bhfuil éifeacht ag an gcumar uisce orthu;
- beidh an uasteorainn sin nó an t-íosleibhéal sreafa sin a éilítear ag cloí leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4 den Treoir Réime maidir le hUisce; agus
- ní bheidh asbhaintí os cionn na huasteorann a bhí i bhfeidhm an 31 Deireadh Fómhair 2013 mar thoradh ar an infheistíocht atá i gceist ná ní thiocfaidh laghdú ar an leibhéal sreafa i ndobharlaigh a bhfuil éifeacht orthu faoi bhun an íosleibhéil a éilítear, ar íosleibhéal é a bhí i bhfeidhm an 31 Deireadh Fómhair 2013.

Airteagal 47

Rialacha le haghaidh fócaíochtaí a bhaineann le hachar

1. Féadfar líon na heicteár a mbeidh feidhm ag gealltanais de bhun Airteagail 29, 30 agus 35 ina leith a bheith éagsúil ó bhliain go bliain sna cásanna seo a leanas:

- (a) déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht seo sa chlár forbartha tuaithe;

(b) ní bhaineann an gealltanais atá i gceist le dáileachtaí seasta; agus

(c) ní bheidh baol ann maidir le cuspóir an ghealltanais a bhaint amach.

2. I gcás ina ndéantar an talamh ar fad faoin ngealltanais, nó cuid de, nó an sealúchas ar fad a aistriú chuig duine eile i rith tréimhse an ghealltanais sin, féadfaidh an duine eile an gealltanais, nó cuid den ghealltanais a fhreagraíonn don talamh a aistrítear a ghlacadh chuige/chuici féin don chuid eile den tréimhse nó féadfar go rachaidh sé in éag, agus ní éileoidh na Ballstáit aisiocaíocht i ndáil leis an tréimhse ina mbeidh an gealltanais i bhfeidhm.

3. I gcás nach bhfuil tairbhí in ann leanúint de chloí leis an gealltanais a tugadh toisc go ndéantar an gabhálas nó cuid den gabhálas a roinnt ina dháileachtaí nua nó go bhfuil sé faoi réir ag bearta comhdhlúthaithe talún poiblí nó bearta comhdhlúthaithe talún atá formheasta ag na húdaráis phoiblí inniúla, glacfaidh na Ballstáit na bearta atá riachtanach ionas gur féidir na gealltanais a chur in oiriúint do chás nua an tsealúchais. Más rud é go bhfuil sé dodhéanta cur in oiriúint den sórt sin a dhéanamh, rachaidh an gealltanais in éag agus ní éileoidh na Ballstáit aisiocaíocht i leith na tréimhse ina mbeidh an gealltanais i bhfeidhm.

4. Ní gá an chabhair a fuarthas a aisíoc i gcásanna force majeure agus i gcúinsí eisceachtúla dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

5. Beidh feidhm ag mír 2 i ndáil leis an ngabhálas iomlán a aistriú agus beidh feidhm ag mír 4 freisin maidir leis na gealltanais faoi Airteagal 33.

6. D'fhonn a áirithiú go ndéanfar bearta maidir le limistéar a chur chun feidhme go héifeachtúil agus chun leasa airgeadais an Aontais a urrú, beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 83lena leagtar síos na coinníollacha is infheidhme i leith chomhshó nó choigeartú na ngealltanais faoi na bearta dá dtagraítear in Airteagail 28, 29, 33 agus 34 agus, lena sonraítear cásanna eile nach mbeidh aisiocaíocht na cabhrach de dhíth ina leith.

Airteagal 48

Foráil athbhreithnithe

Déanfar foráil do chlásal um athbhreithniú d'oibríochtaí arna ngabháil ar láimh de bhun Airteagail 28, 29, 33 agus 34 chun go bhféadfaí iad a choigeartú orthu i gcás leasuithe ar na caighdeáin, ceanglais nó oibleagáidí sainordaitheacha ábhartha dá dtagraítear sna hAirteagail sin nach mór do na gealltanais a shárú. Cumhdófar sa chlásal choigeartuithe a bhfuil gá leo chun cistiú dúbailte na gcleachtas dá dtagraítear in Airteagal 29 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 a sheachaint i gcás leasaithe ar an na cleachtais sin.

Beidh clásal um athbhreithniú in oibríochtaí arna ngabháil ar láimh de bhun Airteagail 28, 29, 33 agus 34 a shíneann thar an gclárthréimhse reatha chun iad a oiriúnú do chreat dlí na tréimhse cláraithe dar gcionn.

I gcás nach nglacann an tairbhí leis an oiriúnú sin, rachaidh an gealltanais in éag agus ní éileoidh na Ballstáit aisíocaíocht le linn na tréimhse ina mbeidh an gealltanais i bhfeidhm.

Airteagal 49

Oibríochtaí a roghnú

1. Gan dochar do phointe (d) d'Airteagal 34(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, saineoidh Údarás Bainistíochta an chláir forbartha tuaithe na critéir roghnúcháin i gcomhair oibríochtaí tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Faireacháin. Beidh sé d'aidhm ag na critéir roghnúcháin cóir chomhionann i leith na n-iarratasóirí, úsáid fheabhsaithe acmhainní airgeadais agus spriocdhírú beart i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe a áirithiú. Cuirfear prionsabal na comhréireachta san áireamh i leith mhéid na hoibríochta agus critéir roghnúcháin á sainiú agus á gcur i bhfeidhm.

2. Áiritheoidh údarás an Bhallstáit atá freagrach as roghnú na n-oibríochtaí, seachas oibríochtaí faoi Airteagal 28 go 31, 33 go 34 agus 36 go 39, go roghnófar oibríochtaí i gcomhréir leis na critéir roghnúcháin dá dtagraítear i mír 1 agus de réir nós imeachta trédhearcach a mbeidh doiciméadú maith ann ina leith.

3. I gcás inarb is iomchuí, féadfar na tairbhíthe a roghnú ar bhonn glaonna ar thograí, agus critéir éifeachtúlachta eacnamaíche agus comhshaoil á gcur i bhfeidhm.

Airteagal 50

Sainmhíniú ar limistéar tuaithe

Chun críocha an Rialacháin seo saineoidh an tÚdarás Bainistíochta 'limistéar tuaithe' ar leibhéal an chláir. Féadfaidh na Ballstáit sainiú den chineál sin a bhunú le haghaidh birt nó cineál oibríochta más rud é go bhfuil údar cuí leis.

CAIBIDIL III

Cúnamh teicniúil agus líonrú

Airteagal 51

Cúnamh teicniúil a chistiú

1. I gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 féadfaidh CETFT suas le 0,25 % dá leithdháileadh bliantúil a úsáid chun na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 58 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a mhaoiniú, lena n-áirítear na costais chun an gréasán Eorpach um fhorbairt tuaithe a bhunú agus a oibriú dá dtagraítear in Airteagal 52 agus gréasán CEN dá dtagraítear in Airteagal 53, ar thionscnamh an Choimisiúin agus/nó thar a cheann.

Féadfaidh CETFT maoiniú a dhéanamh freisin ar na gníomhartha dá bhforáiltear in Airteagal 41(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, i ndáil le siombailí agus táscairí scéime cáilíochta an Aontais.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochtaí do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 343, 14.12.2012, lch. 1).

Cuirfear na gníomhartha sin i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 58 de Rialachán (CE, EURATOM) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ agus i gcomhréir le haon fhorálacha eile den Rialachán sin agus dá fhorálacha cur chun feidhme is infheidhme maidir le forghníomhú an bhuiséid.

2. Ar thionscnamh na mBallstát féadfar suas le 4 % de mhéid iomlán gach clár forbartha tuaithe a thiomnú do chúraimí dá dtagraítear in Airteagal 59 de Rialachán (CE) Uimh. 1303/2013, chomh maith le costais a bhaineann le hobair ullmhúcháin le haghaidh teorannú limistéar a bhfuil srianta nádúrtha nó srianta sonracha eile dá dtagraítear in Airteagal 32 ag bagairt orthu.

Ní bheidh costais a bhaineann leis an gcomhlacht deimhniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 incháilithe faoin mír seo.

Laistigh den teorainn 4 % sin forchoimeádfar méid áirithe do bhunú agus oibriú an ghréasáin náisiúnta tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 54.

3. I gcás clár forbartha tuaithe lena gcuimsítear réigiúin thearcforbartha agus réigiúin eile araon, féadfar an ráta ranníocaíochta CETFT do chúnamh teicniúil dá dtagraítear in Airteagal 59(3) a chinneadh agus na cineáil is coitianta réigiúin á chur san áireamh sa chláir, de réir uimhreach.

Airteagal 52

Gréasán Eorpach um fhorbairt tuaithe

1. Cuirfear gréasán Eorpach um fhorbairt tuaithe i bhfeidhm do líonrú líonraí náisiúnta, eagraíochtaí agus ranna riaracháin atá gníomhach i réimse na forbartha tuaithe ar leibhéal an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 51(1).

2. Beidh sé d'aidhm ag líonrú trí bhíthin an ghréasáin Eorpaigh um fhorbairt tuaithe:

(a) rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí uile a mhéadú, go háirithe geallsealbhóirí talmhaíochta, foraoiseachta agus geallsealbhóirí eile forbartha tuaithe i gcur chun feidhme na forbartha tuaithe;

(b) caighdeán na gclár forbartha tuaithe a fheabhsú;

(c) ról a ghlacadh maidir leis an bpobal a chur ar an eolas i leith na sochar a bhaineann le beartas forbartha tuaithe.

(d) meastóireacht na gclár forbartha tuaithe a thacú.

⁽²⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1).

3. Is iad seo a leanas na cúraimí a bheidh ar an ngréasán:

- (a) faisnéis a bhailiú maidir le gníomhú i réimse na forbartha tuaithe, anailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin agus í a scaipeadh;
- (b) tacaíocht a sholáthar maidir le próisis meastóireachta, agus sonraí a bhailiú agus a bhainistiú;
- (c) dea-chleachtais forbartha tuaithe a bhailiú, a chomhtháthú agus a scaipeadh ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear maidir le modheolaíochtaí agus uirlisí meastóireachta;
- (d) grúpaí agus/nó ceardlanna téamacha a bhunú agus a réachtáil d'fhonn malartú saineolais a éascú agus tacú le cur chun feidhme agus faireachán agus forbairt bhreise a dhéanamh ar bheartas forbartha tuaithe;
- (e) faisnéis a sholáthar maidir le forbairt i limistéir thuaithe an Aontais agus i dtriú tíortha;
- (f) cruinnithe agus seimineáir a eagrú ar leibhéal an Aontais dóibh siúd atá páirteach go gníomhach san fhorbairt tuaithe;
- (g) tacú le tionscnaimh comhair na ngréasán náisiúnta agus trasnáisiúnta agus leis an gcomhroinnt taithí maidir le gníomhaíochtaí i réimse na forbartha tuaithe le gréasáin i dtriú tíortha;
- (h) i gcás grúpaí áitiúla gníomhaíochta go sonrath:
 - (i) sineirgí a chruthú leis na gníomhaíochtaí arna gcur i gcrích ar leibhéal náisiúnta nó réigiúnach nó ag an dá leibhéal ag na gréasáin faoi seach ag féachaint do ghníomhaíochtaí forbartha acmhainní agus do chomhroinnt taithí; agus
 - (ii) comhoibriú leis na comhlachtaí líonraithe agus leis na comhlachtaí tacaíochta teicniúla d'fhorbairt áitiúil arna mbunú ag CFRE, CSE, agus an CEMI maidir le gníomhaíochtaí forbartha áitiúla agus comhar trasnáisiúnta.

4. Glacfaidh an Coimisiún amach gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar amach struchtúr agus feidhmiú eagraíochtúil an ghréasáin Eorpaigh um fhorbairt tuaithe. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 84.

Airteagal 53

Gréasán na Comhpháirtíochta Eorpaí um Nuálaíocht

1. Cuirfear gréasán CEN i bhfeidhm chun tacú le CEN maidir le táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 55, i gcomhréir le hAirteagal 51(1). Cumasóidh sé líonrú grúpaí oibriúcháin, seirbhísí comhairleacha agus taighdeoirí.

2. Is iad seo a leanas na cúraimí a bheidh ar ghréasán CEN:

- (a) malartú saineolais agus dea-chleachtas a éascú;
 - (b) idirphlé idir feirmeoirí agus an comhphobal taighde a bhunú agus cuimsiú na ngeallsealbhóirí uile a éascú sa phróiseas ina malartaítear eolas.
3. Is iad seo a leanas na cúraimí a bheidh ar ghréasán CEN:
- (a) feidhm deisce cabhrach a sholáthar agus faisnéis a sholáthar do phríomhghníomhaithe maidir le CEN;
 - (b) bunú grúpaí oibriúcháin a spreagadh agus eolas a chur ar fáil maidir leis na deiseanna a chuirtear ar fáil de bharr bheartais an Aontais;
 - (c) bunú tionscnamh braisle agus treoirhionscadal nó tionscadal léiriúcháin a éascú a bhféadfaidh baint a bheith acu, inter alia, leis an méidseo a leanas leo:
 - (i) táirgiúlacht talmhaíochta, inmharthanacht eacnamaíoch, inbhuanaitheacht, aschur agus éifeachtúlacht acmhainní atá méadaithe;
 - (ii) nuálaíocht chun tacú le geilleagar bithbhunaithe;
 - (iii) bitheagsúlacht, seirbhísí éiceachórais, feidhmiúlacht ithreach agus uisce a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe;
 - (iv) táirgí agus seirbhísí nuálaíochta don slabhra soláthair comhtháite;
 - (v) deiseanna nua táirgí agus margaidh a chur ar fáil do tháirgeoirí tosaigh;
 - (vi) cáilíocht bia, sábháilteacht bia agus aiste bia fholláin;
 - (vii) cailteanais iarbhuainte agus cur amú bia a laghdú.
 - (d) Faisnéis a bhailiú agus a scaipeadh i réimse CEN, lena n-áirítear torthaí taighde agus teicneolaíochtaí nua atá ábhartha maidir leis an nuáil agus malartú eolais agus malartuithe i réimse na nuála le tríú tíortha.

4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar amach struchtúr agus feidhmiú eagraíochtúil ghréasán CEN. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 84.

*Airteagal 54***Gréasán náisiúnta tuaithe**

1. Bunóidh gach Ballstát gréasán náisiúnta tuaithe, a thabharfaidh le chéile na heagraíochtaí agus na ranna riaracháin atá bainteach leis an bhforbairt tuaithe. Beidh an chomhpháirtíocht dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 mar chuid den ghréasán náisiúnta tuaithe freisin.

Féadfaidh Ballstáit a bhfuil cláir réigiúnacha acu formheas a lorg do chlár sonrath maidir le bunú agus feidhmiú a ngréasán náisiúnta tuaithe.

2. Beidh sé d'aidhm ag líonrú sa ghréasán náisiúnta tuaithe an méid seo a leanas a bhaint amach:

- (a) rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí i gcur chun feidhme na forbartha tuaithe a mhéadú;
- (b) caighdeán cur chun feidhme na glár forbartha tuaithe a fheabhsú;
- (c) eolas a chur ar fáil don phobal níos leithne agus do thairbhíthe féideartha maidir le beartas forbartha tuaithe agus deiseanna maoiniúcháin;
- (d) nuálaíocht a chothú sa talmhaíocht, i dtáirgeadh bia, i bhforaoiseacht agus i limistéir thuaithe.

3. Bainfear úsáid as tacaíocht CETFT faoi Airteagal 51(3):

- (a) i gcomhair na struchtúr a theastaíonn chun an gréasán a réachtáil;
- (b) chun plean gníomhaíochta a ullmhú agus a chur chun feidhme ina gcumhdófar an méid seo a leanas ar a laghad:
 - (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le bailiú samplaí de thionscadail ina gcuimsítear gach tosaíocht de chuid na glár forbartha tuaithe;
 - (ii) gníomhaíochtaí a bhaineann le malartuithe téamacha agus anailíseacha a éascú idir geallsealbhóirí forbartha tuaithe, na torthaí a roinnt agus a scaipeadh;
 - (iii) gníomhaíochtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí oiliúna agus líonraithe a chur ar fáil do ghrúpaí áitiúla gníomhaíochta agus go háirithe cúnaimh teicniúil maidir le comhar idir-chríochach agus trasnáisiúnta, comhar a éascú idir ghrúpaí áitiúla gníomhaíochta agus comhpháirtithe a lorg don bheart dá dtagraítear in Airteagal 35;
 - (iv) gníomhaíochta líonraithe do chomhairleoirí agus seirbhísí tacaíochta nualaíochta;
 - (v) roinnt agus scaipeadh na dtorthaí a fhaightear tar éis faireacháin agus meastóireachta

(vi) plean cumarsáide lena n-áirítear poiblíocht agus faisnéis maidir leis an glár forbartha tuaithe i gcomhaontú leis na hÚdarás Bainistíochta agus gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide arna ndírú ar phobal níos leithne;

(vii) foráil maidir le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí an ghréasáin Eorpaigh um fhorbairt tuaithe agus rannchuidiú leo.

4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar amach rialacha maidir le bunú agus feidhmiú gréasán náisiúnta tuaithe agus maidir le hábhar na glár sonrath dá dtagraítear i mír 1. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 84.

TEIDEAL IV

CEN DO THÁIRGIÚLACHT AGUS INBHUANAITHEACHT TALMHAÍOCHTA*Airteagal 55***Aidhmeanna**

1. Déanfaidh CEN do tháirgiúlacht agus inbhuanaitheacht talmhaíochta an méid seo a leanas:

- (a) earnáil talmhaíochta agus foraoiseachta a chur chun cinn atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní, inmharthana ó thaobh eacnamaíochta, táirgiúil, iomaíoch, a bhfuil astaíochtaí ísle i gceist léi, atá neamhdhíobhálach don aeráid agus athléimneach ina taobh, lena bhfeictear i dtreo córas táirgthe agrai-eiceolaíochta agus a oibríonn i gcomhar leis na hacmhainní nádúrtha fíor-riachtanacha ar a bhfuil an fheirmeoireacht agus an fhoraoiseacht ag brath;
- (b) cabhrú le soláthar seasta, inbhuanaithe bia, beatha agus bithábhar a sheachadadh, lena n-áirítear cinn atá ann cheana féin agus cinn nua;
- (c) próisis a fheabhsú chun an comhshaol a chaomhnú, dul in oiriúint don athrú aeráide agus an t-athrú aeráide a mhaolú;
- (d) nasc a chruthú idir an teicneolaíocht agus eolas ó thaighde cheannródaíoch agus feirmeoirí, bainisteoirí foraoisí, comhphobail tuaithe, gnóthais, ENRanna agus seirbhísí comhairleacha.

2. Déanfaidh CEN do tháirgiúlacht agus inbhuanaitheacht talmhaíochta iarracht a aidhmeanna a bhaint amach mar seo a leanas:

- (a) breisluch a chruthú trí nasc níos láidre a chruthú idir taighde agus cleachtas feirmeoireachta agus úsáid níos leithne na mbeart nuálaíochta atá ar fáil a spreagadh;

- (b) trasuíomh níos tapúla agus níos forleithne de réitigh nuálacha a chur chun cinn; agus
- (c) pobal na heolaíochta a chur ar an eolas maidir leis na riachtanais taighde a bhaineann le cleachtas feirmeoireachta.

3. Rannchuideoidh CETFT le haidhmeanna CEN i leith táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht talmhaíochta trí thacaíocht a thabhairt, i gcomhréir le hAirteagal 335, do ghrúpaí oibriúcháin CEN dá dtagraítear in Airteagal 56 agus do ghréasán CEN dá dtagraítear in Airteagal 53.

Airteagal 56

Grúpaí oibriúcháin

1. Beidh grúpaí oibriúcháin CEN mar chuid de CEN do tháirgiúlacht agus inbhuanaitheacht talmhaíochta. Is iad gníomhaithe leasmhara amhail feirmeoirí, taighdeoirí, comhairleoirí agus gnóthais atá bainteach leis an earnáil talmhaíochta agus bia a bhunóidh na grúpaí sin, atá ábhartha chun cuspóirí CEN a bhaint amach.
2. Bunóidh grúpaí oibriúcháin CEN nósanna imeachta inmheánacha lena n-áirítear go mbeidh a bhfeidhmiú agus a gcinnteoireacht trédhearcach agus lena seachnófar cásanna coinbhleachta leasa.
3. Cinnfidh na Ballstáit faoi chuimsiú a gclár a mhéid a thacóidh siad leis na grúpaí oibriúcháin.

Airteagal 57

Cúraimí grúpaí oibriúcháin

1. Déanfaidh grúpaí oibriúcháin CEN plean a tharraingt suas ina mbeidh an méid seo a leanas:
 - (a) cur síos ar an tionscadal nuálach atá le forbairt, le tástáil, le hoiriúnú nó le cur chun feidhme;
 - (b) cur síos ar na torthaí a bhfuil súil leo agus ar an méid a chuirfidh siad le cuspóir CEN chun táirgiúlacht agus bainistiú acmhainní inbhuanaithe a fheabhsú.
2. Le linn dóibh a dtionscadail nuálacha a chur chun feidhme, déanfaidh grúpaí oibriúcháin an méid seo a leanas:
 - (a) déanfaidh siad cinntí maidir le leagan amach agus cur chun feidhme gníomhaíochtaí nuálacha; agus
 - (b) cuirfidh siad gníomhaíochtaí nuálacha chun feidhme trí bhearta arna maoiniú trí na cláir forbartha tuaithe.

3. Scaipfidh grúpaí oibriúcháin torthaí a dtionscadail, go háirithe trí ghréasán CEN.

TEIDEAL V

FORÁLACHA AIRGEADAIS

Airteagal 58

Acmhainní agus a ndáileadh

1. Gan dochar do mhíreanna 5, 6 agus 7 den Airteagal seo, is é EUR 84 936 milliún a bheidh mar mhéid iomlán de thacaíocht ón Aontas d'fhorbairt tuaithe faoin Rialachán seo don tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020, i bpraghsanna 2011, i gcomhréir leis an gcreat ilbhliantúil airgeadais do na blianta 2014 go dtí 2020.
2. Úsáidfear 0,25 % de na hacmhainní dá dtagraítear i mír 1 chun críocha cuspóirí cúnaimh theicniúil don Choimisiún dá dtagraítear in Airteagal 51(1).
3. Ar mhaithe lena gclársceidealú agus lena gcuimsiú ina dhiaidh sin i mbuiséad ginearálta an Aontais, beidh na méideanna dá dtagraítear i mír 1 innéacsaithe ag 2 % in aghaidh na bliana.
4. Leagtar amach in Iarscríbhinn I an miondealú bliantúil de réir Ballstáit ar na méideanna dá dtagraítear i mír 1, tar éis an méid dá dtagraítear i mír 2 a dhéaduchtú.
5. Déanfar cistí a aistrionn Ballstát faoi Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) Uimhir 1306//2013 a bhaint ó na méideanna a leithdháileadh don Bhallstát sin i gcomhréir le mír 4.
6. Déanfar na cistí arna n-aistriú chuig CETFT i gcomhréir le hAirteagal 7(2) agus Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimhir 1307/2013 agus na cistí arna n-aistriú chuig CETFT i gcomhréir le hAirteagal 10b agus Airteagal 136 de Rialachán (CE) Uimhir 73/2009 ⁽¹⁾ ón gComhairle maidir leis an mbliain féilire 2013 a áireamh sa mhiondealú bliantúil dá dtagraítear i mír 4.
7. Chun na forbairtí a bhaineann leis an miondealú bliantúil dá dtagraítear i mír 4 a chur san áireamh, lena n-áirítear na haistrithe dá dtagraítear i mír 4a agus i mír 5; chun coigear-tuithe teicniúla a dhéanamh agus gan na leithdháiltí ginearálta a athrú; nó chun aon athrú eile dá bhforáiltear i ngníomh reachtach a chur san áireamh tar éis an Rialachán seo a ghlacadh, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 83, chun na huasteorainneacha a leagtar amach in Iarscríbhinn Ia athbhreithniú.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle an 19 Eanáir 2009 lena mbunaítear comhrialacha do scéimeanna tacaíochta díri d'feirmeoirí faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus lena mbunaítear scéimeanna áirithe tacaíochta d'feirmeoirí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005, Rialachán (CE) Uimh. 247/2006, Rialachán (CE) Uimh. 378/2007 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 (IO L 30, 31.1.2009, lch. 16).

8. Chun críocha leithdháileadh an chúlchiste feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 22(3) agus (4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, déanfar ioncam sannta atá ar fáil arna bhailiú i gcomhréir le hAirteagal 43 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 do CETFT atá ar fáil a chur leis na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 20 de Rialachán Uimh. 1303/2013. Leithdháilfear an t-ioncam sannta atá ar fáil ar na Ballstáit i gcionmhaireacht lena sciar den mhéid iomlán tacaíochta ó CETFT.

Airteagal 59

Ranníocaíocht don chiste

1. Is leis an gCinneadh lena fhorbartha tuaithe a shocrófar an ranníocaíocht uasta ó CETFT le haghaidh an chláir. Saináithneofar go follasach leis an gCinneadh, más gá, na leithreasáí arna leithdháileadh ar na réigiúin thearcfhorbartha.

2. Ríomhfar ranníocaíocht ó CETFT ar bhonn shuim an chaiteachais poiblí incháilithe.

3. Bunófar leis na cláir forbartha tuaithe ráta ranníocaíochta amháin ó CETFT is infheidhme maidir le gach beart. I gcás inarb infheidhme, bunófar ranníocaíocht ar leith ó CETFT do na réigiúin thearcfhorbartha, do na réigiúin is forimeallaí agus do na hoileáin Aeigéacha is lú de réir bhrí Rialachán (CEE) Uimh. 2019/93, chomh maith leis do réigiúin trasdula. Is é an t-uisrása ranníocaíochta ó CETFT a bheidh i gceist ná:

- (a) 85 % den chaiteachas poiblí incháilithe sna réigiúin thearcfhorbartha, na réigiúin is forimeallaí agus na hoileáin Aeigéacha is lú de réir bhrí Rialachán (CEE) Uimh. 2019/93;
- (b) 75 % den chaiteachas poiblí incháilithe do na réigiúin a bhfuil OTI per capita acu don tréimhse 2007-2013 atá níos ísle ná 75 % de mheán AE-25 don tréimhse tagartha ach a bhfuil OTI per capita acu atá os cionn 75 % de mheán-OTI AE-27;
- (c) 63 % den chaiteachas poiblí incháilithe do na réigiúin trasdula seachas iad sin a ndéantar tagairt dóibh i bpointe (c) den mhír seo;
- (d) 53 % den chaiteachas poiblí incháilithe sna réigiúin eile.

Is é an t-íosaíocht ranníocaíochta ó CETFT a bheidh i gceist ná 20 %.

4. De mhaolú ar mhír 3, is é an t-uisrása ranníocaíochta ó CETFT a bheidh i gceist ná:

- (a) 80 % i gcomhair na mbearta dá dtagraítear in Airteagal 14, 27 agus 35, don fhorbairt áitiúil LEADER dá dtagraítear in Airteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus i gcomhair oibríochtaí faoi phointe (a)(i) d'Airteagal 19(1). Féadfar an ráta sin a mhéadú go dtí 90 % ar a mhéad do na cláir sna réigiúin thearcfhorbartha, do na réigiúin is forimeallaí agus do na hoileáin Aeigéacha de réir bhrí

Rialachán (CEE) Uimh. 2019/93 agus do na réigiúin trasdula dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (c) de mhír 3;

- (b) 75 % do na hoibríochtaí a chuireann leis na spriocanna comhshaoil agus leis na spriocanna maidir leis an athrú aeráide a mhaolú agus maidir le hoiriúnú dó faoi Airteagal 17, faoi phointe (a) agus faoi phointe (b) d'Airteagal 21(1), faoi Airteagal 28 agus 29, 30, 31 agus 34.
 - (c) 100 % d'ionstraimí airgeadais ar leibhéal AE dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 38(1) de Rialachán 1303/2013;
 - (d) an ráta ranníocaíochtaí is infheidhme maidir leis an mbeart lena mbaineann arna méadú le 10 % bpointe céatadán de bhreis le haghaidh ranníocaíochtaí le hionstraimí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 38(1) de Rialachán 1303/2013.
 - (e) 100 % i gcás oibríochtaí arna maoiniú ó chistí arna n-aistriú chuig CETFT i gcur i bhfeidhm Airteagal 7(2) agus Airteagal 14 (1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.
 - (f) 100 % do mhéid EUR 500 milliún, i bpraghsanna 2011, arna leithdháileadh ar an bPortaingéil agus do mhéid EUR 7 milliún, i bpraghsanna 2011, arna leithdháileadh ar an gCipir, ar choinníoll go bhfuil na Ballstáit sin ag fáil cúnaimh airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 136 agus 143 CFAE an 1 Eanáir 2014 nó ina dhiaidh, go dtí 2016 nuair a dhéanfar cur i bhfeidhm na forála sin a athmheasúnú.
 - (g) Maidir leis na Ballstáit a bhfuil cúnaimh airgeadais á fháil acu an 1 Eanáir 2014 nó ina dhiaidh i gcomhréir le hAirteagal 136 agus Airteagal 143 CFAE, féadfar ráta ranníocaíochta CETFT de thoradh ar chur i bhfeidhm Airteagal 24(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a mhéadú le 10 bpointe céatadán de bhreis ar a mhéid suas go huasteorann de 95 %, i ndáil le caiteachas le híoc ag na Ballstáit sin sna chéad dhá bhliain de chur i bhfeidhm an chláir forbartha tuaithe. Urramófar áfach ráta ranníocaíochta CETFT a bheadh feidhm leis gan an maolú seo i ndáil leis an gcaiteachas poiblí iomlán a dhéanfar i rith na clárthréimhse.
5. Beidh ar a laghad 5 %, agus 2.5 % i gcás na Cróite, den ranníocaíocht iomlán ó CETFT chuig an gclár forbartha tuaithe forchoimeáda do LEADER.
6. Forchoimeádfar ar a laghad 30 % den ranníocaíocht iomlán ó CETFT chuig an gclár forbartha tuaithe le haghaidh bearta faoi Airteagal 17 d'infheistíochtaí a bhaineann leis an gcomhshaoil agus leis an aeráid, faoi Airteagal 21, 28, 29, 30 seachas íocaíochtaí a bhaineann leis an Treoir Réime [Creattreoir?] maidir le hUisce, faoi Airteagal 31, 32 agus 34.
- Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír sna réigiúin is forimeallaí ná i gcríocha thar lear na mBallstát.

7. I gcás ina chuireann Ballstát isteach clár náisiúnta agus tacar de chlár réigiúnacha, ní bheidh feidhm ag mír 5 agus mír 6 maidir leis an gclár náisiúnta. Cuirfear an ranníocaíocht ó CETFT chuig an gclár náisiúnta san áireamh chun an céatadán dá dtagraítear i mír 5 agus i mír 6 le haghaidh gach clár réigiúnaigh a ríomh, i gcomhréir le cion an chlár réigiúnaigh sin den leithdháileadh náisiúnta.

8. Ní bheidh caiteachas atá cómhaoinithe ag CETFT cómhaoinithe trí ranníocaíocht ó na Cistí Struchtúracha, an Ciste Comhtháthaithe nó aon ionstraim airgeadais eile de chuid an Aontais.

9. Comhlíonfaidh caiteachas poiblí ar chabhair d'fhiontair na teorainneacha cabhrach atá leagtha síos i leith stáitchabhrach, ach amháin má fhoráiltear a mhalairt sa Rialachán seo.

Airteagal 60

Incháilitheacht an chaiteachais

1. De mhaolú ar Airteagal 65(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, i gcásanna ina bhfuil bearta éigeandála i gceist i ngeall ar thubaistí nádúrtha, féadfaidh clár forbartha tuaithe a fhoráil go bhféadfaidh incháilitheacht an chaiteachais a bhaineann le hathrú ar an gclár a thosú ón dáta a tharla an tubaiste nádúrtha.

2. Ní bheidh caiteachas incháilithe le haghaidh ranníocaíochta ó CETFT ach amháin i gcás ina dtabhaítear iad i leith oibríochtaí arna gcinneadh ag Údarás Bainistíochta an chlár atá i gceist nó faoina fhreagracht, i gcomhréir leis na critéir roghnúcháin dá dtagraítear in Airteagal 49.

Cé is moite de chostais ghinearálta arna sainiú in Airteagal 45(2)(c), maidir le hoibríochtaí infheistíochta faoi bhearta atá faoi raon feidhme Airteagal 42 CFAE, ní mheasfar a bheith incháilithe ach amháin caiteachas arna thabhtú tar éis don iarratas a bheith seolta isteach chuig an údarás inniúil.

Féadfaidh na Ballstáit a fhoráil ina gclár nach mbeidh incháilithe ach amháin caiteachas arna thabhtú tar éis don iarratas ar thacaíocht a bheith formheasta ag an údarás inniúil.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ná mír 2 maidir le hAirteagal 51(1) agus (2).

4. Tacófar le híocaíochtaí ó thairbhíthe le sonraisc agus le doiciméid a dheimhniú an íocaíocht. I gcás nach féidir déanamh amhlaidh, tacófar le híocaíochtaí trí dhoiciméid a bhfuil luach fíorúcháin coibhéseach acu, cé is moite de chineálacha tacaíochta faoi phointí (b), (c) agus (d) de Rialachán (AE) 1303/2013.

Airteagal 61

Caiteachas incháilithe

1. I gcás ina bhfuil costais reatha faoi chumhdach tacaíochta faoin Rialachán seo, beidh na cineálacha costais seo a leanas incháilithe:

(a) costais oibríucháin;

(b) costais phearsanra;

(c) costais oiliúna;

(d) costais a bhaineann le caidreamh poiblí;

(e) costais airgeadais;

(f) costais líonraithe.

2. Ní bheidh staidéir ina gcaiteachas incháilithe ach amháin i gcás ina bhfuil siad nasctha le hoibríocht ar leith faoin gclár nó le cuspoirí agus spriocanna sonracha an chlár.

3. Maidir le ranníocaíochtaí chomhchineáil i bhfoirm oibreacha, earraí, seirbhísí, talún agus réadmhaoin nach ndearnadh aon íocaíocht in airgead tirim arna dtacú le sonraisc nó doiciméid de luach fíorúcháin coibhéseach ina leith, féadfaidh siad a bheith incháilithe le haghaidh tacaíochta ar chuntar go gcomhlíonfar coinníollacha Airteagal 69 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

Airteagal 62

Infhíoraitheacht agus inrialaitheacht na mbeart

1. Áiríteoidh na Ballstáit go mbíonn gach beart forbartha tuaithe a bhfuil sé de rún acu iad a chur chun feidhme infhíoraithe agus inrialaithe. Chuige sin soláthróidh Údarás Bainistíochta agus gníomhaireacht íocaíochta gach clár forbartha tuaithe measúnú ex-ante ar infhíoraitheacht agus inrialaitheacht na mbeart atá le cur san áireamh sa chlár forbartha tuaithe. Gabhfaidh an tÚdarás Bainistíochta agus an gníomhaireacht íocaíochta ar láimh freisin measúnú ar infhíoraitheacht agus inrialaitheacht na mbeart le linn chur chun feidhme an chlár forbartha tuaithe. Cuirfear san áireamh sa mheasúnú ex ante agus i measúnú le linn na tréimhse cur chun feidhme na torthaí ó rialuithe sa tréimhse clárúithe roimhe agus sa chlárthréimhse reatha. I gcás ina léirítear sa mheasúnú nach bhfuil ceanglais infhíoraitheachta agus inrialaitheachta comhlíonta, ba cheart go n-oiriúnófaí na bearta lena mbaineann dá réir.

2. I gcás ina mbíonn cabhair deonaithe ar bhonn costas caighdeánach nó costas breise agus ioncam ligthe thar ceal, áiríteoidh na Ballstáit go mbíonn na ríomhanna ábhartha leormhaith agus cruinn agus bunaithe roimh ré ar bhonn ríofa atá cóir, cothrom agus infhíoraithe. Chuige sin, maidir le comhlacht atá ag feidhmiú go neamhspleách ó na húdaráis atá freagrach as an gclár a chur chun feidhme agus a bhfuil an saineolas iomchuí aige, déanfaidh siad na ríomhanna nó deimhneoidh siad leordhóthanacht agus beachtas na ríomhanna. Áireofar ráiteas lena ndeimhnítear leordhóthanacht agus beachtas na ríomhanna sa chlár forbartha tuaithe.

*Airteagal 63***Airleacain**

1. Beidh íocaíocht airleacan faoi réir bunú ráthaíochta bainc nó ráthaíochta coibhéisí arb ionann agus 100 % de mhéid an airleacain é. Maidir le tairbhíthe poiblí, íocfar airleacain le bardais, le húdaráis réigiúnacha agus le comhlachais díobh, mar aon le comhlachtaí a rialaítear leis an dlí poiblí.

Measfar gurb ionann áis a sholáthraítear mar ráthaíocht ag údarás poiblí agus an ráthaíocht dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ar chuntar go ngabhann an t-údarás ar lámh an méid atá clúdaithe ag an ráthaíocht sin a íoc sa chás nach mbunaítear teidlíocht don airleacan arna íoc roimh ré.

2. D'fhéadfaí an ráthaíocht a scaoileadh nuair a dhearbhaíonn an ghníomhaireacht inniúil íocaíochta go bhfuil méid iomlán an chaiteachais iarbhrí atá combhionann leis an rannchuidiú poiblí a bhaineann leis an oibríocht os cionn mhéid an airleacain.

TEIDEAL VI

BAINISTIÚ, RIALÚ AGUS POIBLÍOCHT*Airteagal 64***Freagrachtaí an Choimisiúin**

Chun bainistiú fóna airgeadais de réir Airteagal 317 CFAE a áirithiú, i gcomhthéacs bainistithe roinnte, cuirfidh an Coimisiún i bhfeidhm na bearta agus na rialuithe atá leagtha síos i Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

*Airteagal 65***Freagrachtaí na mBallstát**

1. Glacfaidh na Ballstáit na forálacha reachtacha, reachtúla agus riaracháin uile i gcomhréir le hAirteagal 58(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 chun a áirithiú go mbíonn leasanna airgeadais an Aontais arna gcosaint go héifeachtach.

2. Saineoidh na Ballstáit, le haghaidh gach clár forbartha tuaithe, na húdaráis seo a leanas:

(a) an tÚdarás Bainistíochta, a d'fhéadfadh a bheith ina chomhlacht poiblí nó príobháideach ag feidhmiú ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, nó an Ballstát féin i gcás ina dtugann sé faoin gcúram sin, le bheith i gceannas ar bhainistiú an chláir lena mbaineann;

(b) an ghníomhaireacht chreidiúnaithe íocaíochta de réir bhrí Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013;

(c) an comhlacht deimhniúcháin de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

3. Áiritheoidh na Ballstáit, i dtaca le gach clár forbartha tuaithe, gur bunafodh an córas cuí bainistithe agus rialaithe ar bhealach a dhéanann leithdháileadh soiléir agus deighilt shoiléir feidhmeanna idir an tÚdarás Bainistíochta agus comhlachtaí eile

a áirithiú. Beidh na Ballstáit freagrach as a áirithiú go mbeidh feidhm éifeachtach leis na córais le linn thréimhse an chláir.

4. Saineoidh na Ballstáit go soiléir cúraimí an Údaráis Bhainistíochta, na Gníomhaireachta Íocaíochta agus na ngrúpaí áitiúla gníomhaíochta faoi Leader maidir le cur i bhfeidhm na gcrítear incháilitheachta agus roghnúcháin agus nós imeachta roghnúcháin an tionscadail.

*Airteagal 66***an tÚdarás Bainistíochta**

1. Beidh an tÚdarás Bainistíochta freagrach as bainistiú agus as cur chun feidhme an chláir ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach agus ceart agus go háirithe as an méid seo a leanas:

(a) a áirithiú go bhfuil córas leictreonaic slán iomchuí ann le faisnéis staidrimh ar an gclár agus a chur chun feidhme a thairbhíthe, a choinneáil, a bhainistiú agus a thuairisciú, faisnéis atá riachtanach ar mhaithe le faireachán agus meastóireacht agus, go háirithe, faisnéis atá riachtanach le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo na gcuspóirí agus na dtosaíochtaí sainithe;

(b) sonraí ábhartha táscaire a sholáthar don Choimisiún, faoin 31 Eanáir agus an 31 Deireadh Fómhair gach bliain den Chlár, maidir leis na hoibríochtaí atá roghnaithe le haghaidh cistithe, lena n-áirítear faisnéis maidir le táirgeacht agus maidir le táscairí airgeadais;

(c) a áirithiú, i gcás tairbhíthe agus comhlachtaí eile a bhfuil baint acu le cur chun feidhme oibríochtaí:

(i) go gcoinnítear ar an eolas iad faoina gcuid oibleagáidí a d'eascair ón gcabhair a tugadh, agus go gcoinníonn siad córas cuntasáíochta ar leith nó cód cuntasáíochta iomchuí le haghaidh gach idirbheart a bhaineann leis an oibríocht;

(ii) go bhfuil siad ar an eolas faoi na ceanglais maidir le soláthar sonraí don Údarás Bainistíochta agus taifeadadh aschur agus torthaí;

(d) a áirithiú go bhfuil an mheastóireacht ex ante dá dtagraítear in Airteagal 55 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 i gcomhréir leis an gcóras meastóireachta agus faireacháin agus go nglactar léi agus go gcuirtear faoi bhráid an Choimisiúin í;

(e) a áirithiú go bhfuil an plean meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 56 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 curtha ar bun, go ndéantar an mheastóireacht clár ex post dá dtagraítear in Airteagal 57 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 laistigh de na teorainneacha ama atá leagtha síos sa Rialachán sin, a áirithiú go bhfuil an mheastóireachta sin i gcomhréir leis an gcóras faireacháin agus meastóireachta agus go gcuirtear iad faoi bhráid an Choiste Faireacháin agus an Choimisiúin;

- (f) faisnéis agus doiciméid atá ag teastáil le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir i bhfianaise a shainchuspóirí agus a thosaíochtaí, a sholáthar don Choiste Faireacháin;
- (g) an tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn a chur le chéile, lena n-áirítear táblaí faireacháin comhiomlána, agus, i ndiaidh formheasa ón gCoiste Faireacháin, í a chur faoi bhráid an Choimisiúin;
- (h) áirithiú go bhfaigheann an ghníomhaireacht íocaíochta an fhaisnéis iomchuí uile, go háirithe ar na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm agus ar rialuithe ar bith a thugtar fúthu maidir le hoibríochtaí atá roghnaithe le haghaidh cistithe, sula gceadaítear íocaíochtaí;
- (i) poiblíocht a áirithiú le haghaidh an chláir, lena n-áirítear trí bhíthin an ghréasáin náisiúnta tuaithe, trí thairbhíthe a d'fhéadfadh a bheith ann, eagraíochtaí gairmiúla, comhpháirtíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta, comhlachtaí a bhfuil baint acu le comhionannas a chur chun cinn idir fir agus mná, agus na heagraíochtaí neamhrialtais lena mbaineann, lena n-áirítear eagraíochtaí comhshaoil a chur ar an eolas faoi na féidearthachtaí atá á dtairiscint de réir an chláir agus na rialacha atá ann le rochtain a fháil ar chistiú clár mar aon le tairbhíthe na ranníocaíochta ón Aontas agus an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoin ról atá ag an Aontas sa chlár.

2. Féadtar go n-ainmneoidh an Ballstát nó an tÚdarás Bainistíochta comhlacht inmheánach amháin nó níos mó lena n-áirítear údarais áitiúla, comhlachtaí forbartha réigiúnaí nó eagraíochtaí neamhrialtais, le tabhairt faoi bhainistiú agus faoi chur chun feidhme oibríochtaí forbartha réigiúnaí.

Nuair a tharmligtear cuid dá chúraimí chuig comhlacht eile, coinneoidh an tÚdarás Bainistíochta freagracht iomlán as éifeachtúlacht agus ceartaiseacht bhainistiú agus chur chun feidhme na gcúraimí sin. Áiritheoidh an tÚdarás Bainistíochta go bhfuil forálacha iomchuí i bhfeidhm ionas go mbeidh sé ar chumas an chomhlachta eile gach sonraí agus faisnéis is gá a fháil leis na cúraimí seo a chur i gcrích.

3. I gcás ina n-áirítear fo-chlár téamach, dá dtagraítear in Airteagal 8, sa chlár forbartha réigiúnaí, féadfaidh an tÚdarás Bainistíochta comhlacht idirmheánach amháin nó níos mó, lena n-áirítear údarais áitiúla, grúpaí áitiúla gníomhaíochta nó eagraíochtaí neamhrialtais, a ainmniú le tabhairt faoi bhainistíocht agus faoi chur chun feidhme na straitéise sin. Beidh feidhm ag mír 2 freisin sa chás seo.

Áiritheoidh an tÚdarás Bainistíochta go mbíonn oibríochtaí agus aschur an fho-chláir théamaigh seo sainaitheanta ar leithligh ar mhaithe leis an gcóras faireacháin agus meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 67.

4. Faoi réir ról na ngníomhaireachtaí íocaíochta agus na gcomhlachtaí eile mar a leagtar amach in Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, i gcás ina bhfuil níos mó ná clár amháin ag Ballstát, féadfar comhlacht comhordúcháin a ainmniú chun go n-áiritheofar go mbeidh comhsheasmhacht ann sa bhainistiú ar chistí agus chun nasc a chur ar fáil idir an Coimisiún agus na húdarais náisiúnta bainistíochta.

5. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena leagtar síos coinníollacha aonfhoirmeacha a leagan síos chun go gcuirfeair i bhfeidhm na ceanglais faisnéise agus poiblíochta dá dtagraítear i bpointe (i) de mhír 1.

TEIDEAL VII

FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta

Roinn 1

Bunú agus Cuspóirí córais faireacháin agus meastóireachta

Airteagal 67

Córas faireacháin agus meastóireachta

I gcomhréir leis an Teideal seo, dréachtófar comhchóras faireacháin agus meastóireachta trí chomhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit agus glacfaidh an Coimisiún an comhchóras sin trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 84.

Airteagal 68

Cuspóirí

Beidh sé d'aidhm ag an gcóras faireacháin agus meastóireachta an méid seo a leanas a dhéanamh:

- dul chun cinn agus baint amach beartais forbartha tuaithe a léiriú agus tionchar, éifeacht, éifeachtúlacht agus ábharthacht idirghabhálacha ar bheartas forbartha tuaithe a mheasúnú;
- rannchuidiú le tacaíocht níos spriocdhírith le haghaidh forbartha tuaithe;
- comhphróiseas foghlama a chothú i dtaca le faireachán agus meastóireacht.

Roinn 2

Forálacha teicniúla

Airteagal 69

Comhtháscairí

1. Beidh liosta de chomhtháscairí a bhaineann leis an stad tosaigh chomh maith le cur i gcrích airgeadais, aschur, torthaí agus tionchar an chláir agus a bheidh infheidhme maidir le gach clár sainithe sa chóras faireacháin agus meastóireachta dá bhforáiltear in Airteagal 67 ionas gur féidir sonraí a chomhiomlánú ar leibhéal an Aontais.

2. Beidh na comhtháscairí bunaithe ar shonraí atá ar fáil agus nasctha le struchtúr agus le cuspóirí chreat beartais na forbartha tuaithe agus ceadófar leo measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn, ar éifeachtúlacht agus ar éifeacht chur chun feidhme beartais de réir cuspóirí agus spriocanna ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an chláir. Beidh na comhtháscairí tionchair bunaithe ar shonraí atá ar fáil.

3. Déanfaidh an meastóir tionchar an chláir a mheas arna thomhas leis na táscairí tionchair. Ar bhonn fianaise sna meastóireachtaí ar CBT, lena n-áirítear meastóireachtaí maidir le cláir Forbartha Tuaithe, déanfaidh an Coimisiún agus cabhair á fáil aige ó na Ballstáit comhthionchar ionstraimí uile CBT a mheasúnú.

Airteagal 70

Córas Leictreonach Faisnéise

Déanfar taifead leictreonach ar phríomhfhaisnéis maidir le cur chun feidhme an chláir, maidir le gach oibríocht arna roghnú le haghaidh cistithe, chomh maith le faisnéis maidir le hoibríochtaí lánchríochnaithe, faisnéis atá riachtanach ar mhaithe le faireachán agus meastóireacht, lena n-áirítear príomhfhaisnéis maidir le gach tairbhí agus tionscadal, agus coinneofar an fhaisnéis sin go leictreonach.

Airteagal 71

Faisnéis a chur ar fáil

Glacfaidh tairbhíthe a fuair tacaíocht ó bhearta forbartha tuaithe agus ó ghrúpaí áitiúla gníomhaíochta mar chúram orthu féin an fhaisnéis is gá a sholáthar don Údarás Bainistíochta agus/nó do mheastóirí ceaptha nó do chomhlachtaí eile atá tarmligthe chun feidhmeanna a chomhlíonadh ar a shon ionas go mbeifear in ann faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an gclár, go háirithe maidir le cuspóirí agus tosaíochtaí sainithe a chomhlíonadh.

CAIBIDIL II

Faireachán

Airteagal 72

Nósanna imeachta faireacháin

1. Déanfaidh an tÚdarás Bainistíochta agus an Coiste Faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 47 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 faireachán ar chaighdeán chur chun feidhme an chláir.

2. Tabharfaidh an tÚdarás Bainistíochta agus an Coiste Faireacháin faoi faireachán ar gach clár forbartha tuaithe trí bhíthin táscairí airgeadais, aschuir agus spriocanna.

Airteagal 73

Coiste Faireacháin

Féadfaidh na Ballstáit a bhfuil cláir réigiúnacha acu Coiste Faireacháin náisiúnta a bhunú le cur chun feidhme na gclár seo a chomhordú i dtaca leis an gCreat Náisiúnta agus roghnú sócmhainní airgeadais.

Airteagal 74

Freagrachtaí an Choiste Faireacháin

Deimhneoidh an Coiste Faireacháin dó féin maidir le feidhmíocht an chláir forbartha tuaithe agus éifeachtacht a chur chun feidhme. Chun na críche sin, i dteannta na bhfeidhmeanna dá dtagraítear in Airteagal 49 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013:

- (a) rachfar i gcomhairle leis an gCoiste Faireacháin agus eiseofar tuairim, laistigh de cheithre mhí ón gcinnéadh lena ndéantar an clár a fhormheas, ar na critéir roghnúcháin le haghaidh oibríochtaí maoinithe a ndéanfar a athbhreithniú de réir na riachtanas clársceidealaithe;
- (b) déanfaidh an Coiste Faireacháin scrúdú ar na gníomhaíochtaí agus ar an aschur a bhaineann leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme phlean meastóireachta an chláir;
- (c) déanfaidh an Coiste Faireacháin scrúdú go háirithe ar ghníomhaíochtaí atá sa chlár a bhaineann le coinníollachtaí ex ante a chomhlíonadh, atá faoi raon feidhme fhreagrachtaí an Údaráis Bhainistíochta, agus a bheith ar an eolas maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le coinníollachtaí eile ex ante a chomhlíonadh;
- (d) glacfaidh an Coiste Faireacháin páirt sa ghréasán náisiúnta tuaithe le faisnéis a mhalartú ar chur chun feidhme an chláir;
- (e) breithneoidh an Coiste Faireacháin na tuarascálacha bliantúla maidir le cur chun feidhme agus déanfaidh sé iad a fhormheas sula gcuirtear chuig an gCoimisiún iad.

Airteagal 75

Tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme

1. Faoin 30 Meitheamh 2016 agus faoin 30 Meitheamh gach bliain ina dhiaidh sin go dtí 2024 agus an bhliain sin san áireamh, cuirfidh an Ballstát tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme faoi bhráid an Choimisiúin, ar tuarascáil í ar chur chun feidhme an chláir forbartha tuaithe sa bhliain féilire roimhe sin. Cumhdóidh an tuarascáil a chuirfeadh isteach in 2016 na blianta féilire 2014 agus 2015.

2. I dteannta cheanglais Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a chomhlíonadh, áireofar sna tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme faisnéis inter alia maidir le gealltanais airgeadais agus caiteachas de réir birt, agus achoimre ar na gníomhaíochtaí a gabhadh ar lámh i ndáil leis an bplean measúnachta.

3. I dteannta cheanglais Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a chomhlíonadh, cumhdófar sa tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme a thíolacfar in 2017 cur síos ar chur chun feidhme aon fhocláir a áirítear sa chláir freisin.

4. I dteannta cheanglais Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a chomhlíonadh, cumhdófar freisin sa tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme a thíolacfar in 2019 cur síos ar chur chun feidhme aon fhocláir a áirítear sa chláir, measúnú ar an dul chun cinn arna dhéanamh i leith cur chuige comhtháite a áirithiú maidir le húsáid CETFT agus ionstraimí airgeadais eile de chuid AE chun tacú le forbairt chríoachach limistéar tuaithe, lena n-áirítear trí straitéisí áitiúla forbartha.

5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos rialacha maidir le cur i láthair na dtuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 84.

CAIBIDIL III

Meastóireacht

Airteagal 76

Forálacha ginearálta

1. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena sonraítear na heilimintí atá le háireamh sa mheastóireacht ex ante agus sa mheastóireacht ex post dá dtagraítear in Airteagal 55 agus in Airteagal 57 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus féadfaidh sé na híoscheanglais maidir leis an bplean meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 56 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a bhunú. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 84.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na meastóireachtaí i gcomhréir leis an gcur chuige coitianta meastóireachta a comhaontaíodh i gcomhréir le hAirteagal 67, eagróidh siad táirgeadh agus bailiú na sonraí riachtanacha, agus déanfaidh siad na píosaí áirithe faisnéise a sholáthraítear leis an gcóras faireacháin a sholáthar do na meastóirí.

3. Cuirfidh na Ballstáit na tuarascálacha meastóireachta ar fáil ar an Idirlíon agus déanfaidh an Coimisiún amhlaidh ar a shuíomh Gréasáin.

Airteagal 77

Meastóireacht ex ante

Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfean an meastóir ex ante ar an eolas go luath maidir le próiseas forbartha an chláir forbartha tuaithe, lena n-áirítear forbairt na hanailíse dá dtagraítear in Airteagal 8(1)(b), dearadh loighic idirghabhála an chláir agus bunú spriocanna an chláir.

Airteagal 78

Meastóireacht ex-post

Sa bhliain 2024 ullmhóidh na Ballstáit tuarascáil mheastóireachta ex post le haghaidh gach ceann dá gcláir forbartha tuaithe. Cuirfean an tuarascáil sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2024.

Airteagal 79

Sintéisí meastóireachtaí

Is faoi fhreagracht an Choimisiúin a ghabhfar ar láimh sintéisí na dtuarascálacha meastóireachta ex ante agus ex post ar leibhéal an Aontais.

Beidh sintéisí na dtuarascálacha meastóireachta críochnaithe ar a dhéanaí faoin 31 Nollaig den bhliain i ndiaidh thíolacadh na meastóireachtaí ábhartha.

TEIDEAL VIII

FORÁLACHA IOMAÍOCHTA

Airteagal 80

Rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le gnóthais

I gcás ina ndéanfaítear tacaíocht faoin Rialachán seo d'fhoirmeacha comhair idir ghnólachtaí, ní fhéadfar í a dheonadh ach do na foirmeacha comhair lena chomhlíontar na rialacha iomaíochta de réir mar a bheidh feidhm acu de bhua Airteagal 206 go hAirteagal 210 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Airteagal 81

Státchabhair

1. Seachas mar a bhforáiltear dá mhalairt sa Teideal seo, beidh feidhm ag Airteagail 107, 108 agus 109 CFAE maidir le tacaíocht a thabhairt don fhorbairt tuaithe ag na Ballstáit.

2. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 107, 108 agus 109 CFAE maidir le híocaíochtaí arna ndéanamh ag na Ballstáit de bhun an Rialacháin seo agus i gcomhréir leis, ná maidir leis an maoiniú náisiúnta breise dá dtagraítear in Airteagal 82, faoi raon feidhme Airteagal 42 CFAE.

Airteagal 82

Maoiniú náisiúnta breise

I gcás íocaíochtaí a dhéanann na Ballstáit maidir le hoibríochtaí a thagann faoi raon feidhme Airteagal 42 CFAE agus atá beartaithe maoiniú breise a sholáthar le haghaidh forbartha tuaithe a bhfuil tacaíocht ón Aontas formheasta ina leith tráth ar bith le linn na clárthréimhse, cuirfidh na Ballstáit na híocaíochtaí sin san áireamh sa chlár forbartha tuaithe de réir mar a fhoráiltear i mír (j) d'Airteagal 8(k) agus, i gcás ina gcomhlíonfaidh siad na critéir faoin Rialachán sin, formheasfaidh an Coimisiún iad.

TEIDEAL IX

CUMHACHTAÍ AN CHOIMISIÚIN, FORÁLACHA COITEANNA AGUS FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

CAIBIDIL I

Cumhachtaí an Choimisiúin

Airteagal 83

An tarmligéan a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in 2(3), Airteagal 14(5), Airteagal 16(5), Airteagal 19(8), Airteagal 22(3), Airteagal 28(10) agus 11, Airteagal 29(6), Airteagal 30(8), Airteagal 33(4), Airteagal 34(5), Airteagal 35(10), Airteagal 36(5), Airteagal 45(6) and Airteagal 47(6) agus Airteagal 89 a ghlacadh.

2. Is go ceann tréimhse seacht mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a thabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmiligthe dá dtagraítear in Airteagal 2(3), Airteagal 14(5), Airteagal 16(5), Airteagal 19(8), Airteagal 22(3), Airteagal 28(10) agus (11) Airteagal 29(6) Airteagal 30(8), Airteagal 33(4), Airteagal 34(5) Airteagal 35(10), Airteagal 36(5), Airteagal 45(6), Airteagal 47(6) agus Airteagal 89 a ghlacadh. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse seacht mbliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmlighean na cumhachta. Déanfar tarmlighean na cumhachta a fhadú go hintuigthe ar feadh tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Maidir leis an gcumhacht chun gníomhartha tarmiligthe dá dtagraítear in Airteagal 2(2), Airteagal 14(5), Airteagal 16(5), Airteagal 19(8), Airteagal 22(3), Airteagal 28(10) agus 11, Airteagal 29(6), Airteagal 30(8), Airteagal 33(4), Airteagal 34(5), Airteagal 35(10), Airteagal 36(4), Airteagal 45(6), Airteagal 47(6) agus Airteagal 89 a ghlacadh, féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle í a chúlghairm am ar bith. I gcás go ndéantar cinneadh cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmlighean na cumhachtaí a bheidh sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht aige ón lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ó dháta ina dhiaidh sin a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmiligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmiligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra comhuaineach ina leith do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

5. Ní thiochfaidh gníomh tarmiligthe a ghlactar de bhun Airteagal 2(3), Airteagal 14(5), Airteagal 16(5), Airteagal 19(8), Airteagal 22(3), Airteagal 28(10) agus 11, Airteagal 29(6), Airteagal 30(8), Airteagal 33(4), Airteagal 34(5), Airteagal 35(10), Airteagal 36(4), Airteagal 45(6), Airteagal 47(6) agus Airteagal 89 i bhfeidhm ach amháin murar chuir Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin nó má chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún, roimh dhul in éag na tréimhse sin, nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.

Airteagal 84

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh an 'Coiste Forbartha Tuaithe' cúnaimh don Choimisiún. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa Choiste sin.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

CAIBIDIL II

Forálacha comhchoiteanna

Airteagal 85

Malartú faisnéise agus doiciméad

1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, córas faisnéise a bhunú chun go bhféadfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit sonraí comhleasa a mhalartú ar bhealach slán. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos rialacha maidir le hoibriú an chórais sin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 84.

2. Áiríteoidh an Coimisiún go bhfuil córas leictreonach slán ionchúí ann inar féidir an príomhfaisnéis agus na tuarascálacha fhaireachán agus ar mheastóireacht a thaifeadh, a choinneáil agus a bhainistiú.

Airteagal 86

Sonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint

1. Baileoidh na Ballstáit agus an Coimisiún sonraí pearsanta ar mhaithe lena n-oibleagáidí bainistithe, rialaithe, faireacháin agus meastóireachta faoi seach agus a n-oibleagáidí faireacháin agus meastóireachta a dhéanamh faoin Rialachán seo agus, go háirithe, na hoibleagáidí atá leagtha síos i dTeideal VI agus i dTeideal VII, agus ní dhéanfaidh siad na sonraí sin a phróiseáil ar bhealach nach luíonn leis an guspóir sin.

2. I gcás ina ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha faireacháin agus meastóireachta faoi Theideal VII, trí úsáid a bhaint as an gcóras leictreonach daingean dá dtagraítear in Airteagal 85, coinneofar anaithnid iad agus ní phróiseálfar iad ach i bhfoirm comhiomlánaithe amháin.

3. Próiseálfar sonraí pearsanta i gcomhréir le rialacha Threoir 95/46/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 45/2001. Go háirithe, ní stórálfar na sonraí sin i bhfoirm lena mbeifear in ann ábhair shonraí a aithint go ceann tréimhse níos faide ná mar a bhfuil gá leis ar mhaithe leis an gcúis lenar bailíodh iad nó lena bpróiseálfar tuilleadh iad agus na tréimhsí íosta coinneála a leagtar síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais a bhfuil feidhm leo á gcur san áireamh.

4. Cuirfidh na Ballstáit i bhfios do na hábhair shonraí go bhféadfaidh comhlachtaí náisiúnta agus comhlachtaí an Aontais a sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le mír 1 agus sa mhéid sin go bhfuil sé de cheart acu leas a bhaint as na nithe a leagtar amach sna rialacha maidir le sonraí a chosaint de Threoir 95/46/CE agus de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 faoi seach.

5. Beidh feidhm ag Airteagal 111 go 114 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 leis an Airteagal seo.

*Airteagal 87***Forálacha ginearálta**

Beidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus ag na forálacha arna nglacadh dá bhun maidir leis na bearta atá leagtha amach sa Rialachán seo.

*CAIBIDIL III****Forálacha idirthréimhseacha agus forálacha críochnaitheacha****Airteagal 88***Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005**

Aisghairtear leis seo Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005.

Leanfaidh Rialachán (AE) Uimh. 1698/2005 d'fheidhm a bheith aige maidir le hoibríochtaí atá curtha chun feidhme de bhun clár atá formheasta ag an gCoimisiún faoin Rialachán sin roimh an 1 Eanáir 2014.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 17 Nollaig 2013.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

M. SCHULZ

*Airteagal 89***Forálacha idirthréimhseacha**

Chun an trasdul a éascú ón gcóras a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 chuig an gcóras arna bhunú ag an Rialachán seo, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 83, lena leagtar síosna dálaí faoinarbh fhéidir tacaíocht atá formheasta ag an gCoimisiún faoi Rialachán (AE) Uimh. 1698/2005 a chomhtháthú le tacaíocht dá bhforáiltear faoin Rialachán seo, lena n-áirítear le haghaidh cúnamh theicniúil agus na meastóirreachtaí ex post. Féadfar leis sna gníomhartha tarmligthe sin foráil freisin do choinníllacha maidir leis an trasdul ó thacaíocht forbartha tuaithe don Chróit faoi Rialachán (CE) Uimh. 1085/2006 chuig tacaíocht dá bhforáiltear faoin Rialachán seo.

*Airteagal 90***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014 ar aghaidh.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

V. JUKNA

IARSCRÍBHINN I

MIONDEALÚ AR THACAÍOCHT AN AONTAIS DON FHORBAIRT TUAITHE (2014 GO 2020)

(praghsanna reatha in EUR)

	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	IOMLÁN 2014-2020
An Bheilg	78 342 401	78 499 837	78 660 375	78 824 076	78 991 202	79 158 713	79 314 155	551 790 759
An Bhulgáir	335 499 038	335 057 822	334 607 538	334 147 994	333 680 052	333 187 306	332 604 216	2 338 783 966
Poblacht na Seice	314 349 445	312 969 048	311 560 782	310 124 078	308 659 490	307 149 050	305 522 103	2 170 333 996
An Danmhairg	90 287 658	90 168 920	90 047 742	89 924 072	89 798 142	89 665 537	89 508 619	629 400 690
An Ghearmáin	1 178 778 847	1 177 251 936	1 175 693 642	1 174 103 302	1 172 483 899	1 170 778 658	1 168 760 766	8 217 851 050
An Eastóin	103 626 144	103 651 030	103 676 345	103 702 093	103 728 583	103 751 180	103 751 183	725 886 558
Éire	313 148 955	313 059 463	312 967 965	312 874 411	312 779 690	312 669 355	312 485 314	2 189 985 153
An Ghréig	601 051 830	600 533 693	600 004 906	599 465 245	598 915 722	598 337 071	597 652 326	4 195 960 793
An Spáinn	1 187 488 617	1 186 425 595	1 185 344 141	1 184 244 005	1 183 112 678	1 182 137 718	1 182 076 067	8 290 828 821
An Fhrainc	1 404 875 907	1 408 287 165	1 411 769 545	1 415 324 592	1 418 941 328	1 422 813 729	1 427 718 983	9 909 731 249
An Chróit	332 167 500	332 167 500	332 167 500	332 167 500	332 167 500	332 167 500	332 167 500	2 325 172 500
An Iodáil	1 480 213 402	1 483 373 476	1 486 595 990	1 489 882 162	1 493 236 530	1 496 609 799	1 499 799 408	10 429 710 767
An Chipir	18 895 839	18 893 552	18 891 207	18 888 801	18 886 389	18 883 108	18 875 481	132 214 377
An Laitvia	138 327 376	138 361 424	138 396 059	138 431 289	138 467 528	138 498 589	138 499 517	968 981 782
An Liotuáin	230 392 975	230 412 316	230 431 887	230 451 686	230 472 391	230 483 599	230 443 386	1 613 088 240
Lucsamburg	14 226 474	14 272 231	14 318 896	14 366 484	14 415 051	14 464 074	14 511 390	100 574 600
An Ungáir	495 668 727	495 016 871	494 351 618	493 672 684	492 981 342	492 253 356	491 391 895	3 455 336 493
Málta	13 880 143	13 965 035	14 051 619	14 139 927	14 230 023	14 321 504	14 412 647	99 000 898
An Ísiltír	87 118 078	87 003 509	86 886 585	86 767 256	86 645 747	86 517 797	86 366 388	607 305 360
An Ostair	557 806 503	559 329 914	560 883 465	562 467 745	564 084 777	565 713 368	567 266 225	3 937 551 997
An Pholainn	1 569 517 638	1 567 453 560	1 565 347 059	1 563 197 238	1 561 008 130	1 558 702 987	1 555 975 202	10 941 201 814

(pragsanna reatha in EUR)

	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	IOMLÁN 2014-2020
An Phortaingéil	577 031 070	577 895 019	578 775 888	579 674 001	580 591 241	581 504 133	582 317 022	4 057 788 374
An Rómáin	1 149 848 554	1 148 336 385	1 146 793 135	1 145 218 149	1 143 614 381	1 141 925 604	1 139 927 194	8 015 663 402
An tSlóivéin	118 678 072	119 006 876	119 342 187	119 684 133	120 033 142	120 384 760	120 720 633	837 849 803
An tSlóvaic	271 154 575	270 797 979	270 434 053	270 062 644	269 684 447	269 286 203	268 814 943	1 890 234 844
An Fhionlainn	335 440 884	336 933 734	338 456 263	340 009 057	341 593 485	343 198 337	344 776 578	2 380 408 338
An tSualainn	248 858 535	249 014 757	249 173 940	249 336 135	249 502 108	249 660 989	249 768 786	1 745 315 250
An Ríocht Aontaithe	371 473 873	370 520 030	369 548 156	368 557 938	367 544 511	366 577 113	365 935 870	2 580 157 491
Iomlán AE-28	13 618 149 060	13 618 658 677	13 619 178 488	13 619 708 697	13 620 249 509	13 620 801 137	13 621 363 797	95 338 109 365
Cúnamh teicniúil (0,25 %)	34 130 699	34 131 977	34 133 279	34 134 608	34 135 964	34 137 346	34 138 756	238 942 629
Iomlán	13 652 279 759	13 652 790 654	13 653 311 767	13 653 843 305	13 654 385 473	13 654 938 483	13 655 502 553	95 577 051 994

IARSCRÍBHINN II

MÉIDEANNA AGUS RÁTAÍ TACAÍOCHTA

Airteagal	Ábhar	Uasmhéid in EUR nó ráta	
15(8)	Seirbhísí comhairleacha, seirbhísí bainistíochta feirme agus seirbhísí faoisimh feirme	1 500	In aghaidh na míre comhairle
		200 000	In aghaidh trí bliana i gcomhair oiliúint na gcomhairleoirí
16(2)	Faisnéis agus imeachtaí chur chun cinn	70 %	De chostais incháilithe na gníomhaíochta
16(4)	Scéimeanna cáilíochta nó táirgí talmhaíochta agus earraí bia	3 000	In aghaidh an ghabháiltais sa bhliain
17(3)	Infheistíocht i sócmhainní fisiceacha		Earnáil na Talmhaíochta
		50 %	De mhéid na hinfheistíochta incháilithe i réigiúin thearcfhorbartha agus sna réigiúin uile a raibh OTI per capita acu don tréimhse 2007-2013 níos ísle ná 75 % de mheán AE-25 don tréimhse tagartha ach a bhfuil OTI per capita acu atá os cionn 75 % de mheán-OTI AE-27.
		75 %	De mhéid na hinfheistíochta incháilithe sna réigiúin is forimeallaí
		75 %	De mhéid na hinfheistíochta incháilithe sa Chróit do chur chun feidhme Threoir 91/676/CEE (1) (*) ón gComhairle laistigh d'uastreimhse ceithre bliana ó dháta an aontachais de bhun Airteagal 3(2) agus Airteagal 5(1) den Treoir sin
		75 %	De mhéid na hinfheistíochta incháilithe sna hoileáin Aeigéacha is lú
		40 %	De mhéid na hinfheistíochta incháilithe i réigiúin eile Féadfar na rátaí thuas a mhéadú de 20 pointe céatadáin, ar choinníoll nach sáróidh an t-uasmhéid tacaíochta comhcheangailte 90 %, le haghaidh: — Feirmeoirí óga mar a shainítear sa Rialachán seo, nó atá tosaithe amach cheana le linn na cúig bliana roimh an iarratas ar thacaíocht; — Infheistíochtaí comhchoiteanna agus tionscadal comhtháite, lena n-áirítear iad sin atá nasctha le cumasc eagraíochtaí táirgeoirí; — Limistéir a bhfuil srianta nádúrtha agus srianta sonracha eile ag bagairt orthu, srianta dá dtagraítear in Airteagal 32; — Oibríochtaí a dtugtar tacú dóibh laistigh de chreat CEN; — Infheistíochtaí atá nasctha le hoibríochtaí faoi Airteagal 28 agus Airteagal 29

Airteagal	Ábhar	Uasmhéid in EUR nó ráta	
			Próiseáil agus margú na dtáirgí dá liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE
		50 %	De mhéid na hinfheistíochta incháilithe i réigiúin thearcfhorbartha agus sna réigiúin uile a raibh OTI per capita acu don tréimhse 2007-2013 níos ísle ná 75 % de mheán AE-25 don tréimhse tagartha ach a bhfuil OTI per capita acu atá os cionn 75 % de mheán-OTI AE-27
		75 %	De mhéid na hinfheistíochta incháilithe sna réigiúin is forimeallaí
		75 %	De mhéid na hinfheistíochta incháilithe sna hoileáin Aeigéacha is lú
		40 %	De mhéid na hinfheistíochta incháilithe i réigiúin eile Féadfar na rátaí thuas a mhéadú de 20 pointe céatadán de bhreis le haghaidh oibríochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh laistigh de chreat CEN nó le haghaidh na n-oibríochtaí sin a bhfuil baint acu le cumasc d'eagraíochtaí tháirgeoirí, ar choinníoll nach sáróidh an t-uasmhéid tacaíochta comhcheangailte 90 %
17(4)	Infheistíocht i sócmhainní fisiceacha	100 %	Infheistíochtaí neamhtháirgiúla agus bonneagar talmhaíochta agus foraoiseachta
18(5)	Acmhainneacht táirgeachta talmhaíochta a ndearnadh damáiste di de bharr tubaistí nádúrtha a athbhunú agus gníomhaíochtaí iomchuí coisctheacha a thabhairt isteach	80 %	De mhéid chostais na hinfheistíochta incháilithe le haghaidh oibríochtaí coisctheacha arna ndéanamh ag feirmeoirí aonair.
		100 %	De mhéid chostais na hinfheistíochta incháilithe le haghaidh oibríochtaí coisctheacha arna ndéanamh i dteannta a chéile ag níos mó ná tairbhí amháin.
		100 %	De mhéid chostais na hinfheistíochta incháilithe le haghaidh oibríochtaí chun athchóiriú a dhéanamh ar thalamh talmhaíochta agus ar acmhainneacht táirgeachta a ndearnadh damáiste dóibh de bharr tubaistí nádúrtha agus teagmhas turraingeach.
19(6)	Forbairt feirmeacha agus gnóthaí	70 000	In aghaidh an fheirmeora óig faoi Airteagal 19(1)(a)(i)
		70 000	In aghaidh an tairbhí faoi Airteagal 19(1)(a)(ii)
		15 000	In aghaidh na feirme bige faoi Airteagal 19(1)(a)(iii)
23(3)	Córais agraforaoiseachta a bhunú	80 %	De mhéid na hinfheistíochta incháilithe le córais agraforaoiseachta a bhunú

Airteagal	Ábhar	Uasmhéid in EUR nó ráta	
26(4)	Infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí foraoiseachta agus i bpróiseáil, i slógadh agus i margaíocht táirgí foraoiseachta	65 %	De mhéid na hinfheistíochta incháilithe i réigiúin thearcfhorbartha
		75 %	De mhéid na hinfheistíochta incháilithe sna réigiúin is forimeallaí
		75 %	De mhéid na hinfheistíochta incháilithe sna hoileáin Aeigéacha is lú
		40 %	De mhéid na hinfheistíochta incháilithe i réigiúin eile
27(4)	Grúpaí táirgeoirí agus eagraíochtaí táirgeoirí a bhunú	10 %	Mar chéatadán de tháirgeacht a margaíodh le linn na chéad chúig bliana i ndiaidh aitheantais. Beidh an tacaíocht céimlaghdaitheach.
		100 000	Uas-suim in aghaidh na bliana i ngach cás.
28(8)	Agra-comhshaoil	600 (*)	In aghaidh an heicteáir sa bhliain le haghaidh barr bliantúil
		900 (*)	In aghaidh an heicteáir sa bhliain le haghaidh barr speisialaithe ilbhliantúil
		450 (*)	In aghaidh an heicteáir sa bhliain le haghaidh úsáidí eile talún
		200 (*)	In aghaidh an aonaid bheostoic ("LU") sa bhliain le haghaidh póirthe áitiúla i mbaol a gcaillte d'fheirmeoirí
29(5)	Feirmeoireacht Orgánach	600 (*)	In aghaidh an heicteáir sa bhliain le haghaidh barr bliantúil
		900 (*)	In aghaidh an heicteáir sa bhliain le haghaidh barr speisialaithe ilbhliantúil
		450 (*)	In aghaidh an heicteáir sa bhliain le haghaidh úsáidí eile talún
30(7)	Íocaíochtaí Natura 2000 agus na Creat-Treorach Uisce	500 (*)	Uasmhéid in aghaidh an heicteáir sa bhliain sa tréimhse tosaigh nach faide ná cúig bliana
		200 (*)	Uasmhéid in aghaidh an heicteáir sa bhliain
		50 (**)	Íosmhéid in aghaidh an heicteáir sa bhliain d'íocaíochtaí na Creat-treorach Uisce
31(3)	Íocaíochtaí le limistéir a bhfuil srianta nádúrtha nó srianta eile sonracha ag bagairt orthu	25	Íosmhéid in aghaidh an heicteáir sa bhliain ar mheán limistéar an tairbhí atá ag fáil tacaíochta
		250 (*)	Uasmhéid in aghaidh an heicteáir sa bhliain
		450 (*)	Uasmhéid in aghaidh an heicteáir sa bhliain i limistéir sléibhe mar a shainítear in Airteagal 32(2)
33(3)	Leas ainmhithe	500	In aghaidh LU

Airteagal	Ábhar	Uasmhéid in EUR nó ráta	
34(3)	Seirbhísí comhshaoil foraoise agus caomhnú foraoise	200 (*)	In aghaidh an heicteáir sa bhliain
37(5)	Árachas barr, ainmhithe agus plandaí	65 %	den phréimh árachais dlite
38(5)	Cistí frithpháirteacha le haghaidh teagmhas díobhálach aeráide, galar ainmhithe agus plandaí, foirgeachta le lotnaidí agus teagmhas comhshaoil	65 %	de na costais incháilithe.
39(5)	Gléas Cobhsaithe Ioncaim	65 %	de na costais incháilithe

(¹) Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huisc a chosaint ar thruaillí de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1).

(*) Féadfar na méideanna seo a mhéadú i gcásanna a mbeidh bunús cuí leo agus dálaí sonracha a bheidh le fírinniú sna cláir forbartha tuaithe á gcur san áireamh.

(**) Féadfar an méid seo a laghdú i gcásanna a mbeidh bunús cuí leo agus dálaí sonracha a bheidh le fírinniú sna cláir forbartha tuaithe á gcur san áireamh.

NB: Tá leibhéal na cabhrach gan dochar do rialacha an Aontais maidir le státchabhair

IARSCRÍBHINN III

CRITÉIR BHITHFHISICEACHA MAIDIR LE TEORANNÚ ÁITEANNA A BHFUIL SRIANTA NÁDÚRTHA AG BAGAIRT ORTHU

CRITÉAR	SAINMHÍNIÚ	TAIRSEACH
AERÁID		
Teocht Íseal (*)	Fad na tréimhse fáis (líon laethanta) arna sainiú ag líon na laethanta le meánteocht laethúil > 5 °C (LGP _{T5}) nó	≤ 180 lá
	Suim ama theirmigh (céimeanna-laethanta) le haghaidh na Tréimhse Fáis arna sainiú trí mheánteocht laethúil charnach > 5 °C	≤ 1 500 céim-laethanta
Tirimeacht	Cóimheas na frasaíochta (P) leis an imghalú bliantúil a d'fhéadfadh a bheith ann (PET)	P/PET ≤ 0.5
ITHIR AGUS AERÁID		
Ró-thaise ithreach	Líon na laethanta ar thoilleadh réimse nó níos mó ná sin	≥ 230 lá
ITHIR		
Draenáil theoranta ithreach (*)	Limistéir leathbháite ar feadh tréimhse suntasaí den bhliain	Fliuch laistigh de 80 cm ón dromchla ar feadh níos mó ná 6 mhí, nó fliuch laistigh de 40 cm ar feadh níos mó ná 11 mhí nó Ithir le draenáil olc nó fíor-olc nó Patrún i ndath gléirigh laistigh de 40 cm ón dromchla
Uigeacht agus clochacht neamhfhabhrach (*)	Flúirse choibhneasta cré, síolta, gainimh, ábhair orgánaigh (meáchan %) agus codáin gharbhábhair (toirtmhéadrach %)	≥ Is garbhábhar é 15 % de thoirt bharrithreach, lena n-áirítear lomán carraigeach, bollán nó Is é gaineamh nó gaineamh gúrabháin í an aicme uigeachta i leath nó níos mó ná leath (go carnach) de 100 cm ón dromchla, é á shainiú mar: síolta % + (2 × cré %) ≤ 30 %) nó Cré throm aicme uigeachta na barrithreach (≥ 60 % cré) nó Ithir orgánach (ábhar orgánach ≥ 30 %) de 40 cm ar a laghad nó Tá 30 % nó níos mó de chré agus airíonna ceartingearacha laistigh de 100 cm ón dromchla
Doimhneacht Éadomhain Fréamhaithe	Doimhneacht (cm) ón dromchla ithreach go cruacharraig chomhtháiteach nó cruachiseal comhtháiteach	≤ 30 cm

CRITÉAR	SAINMHÍNIÚ	TAIRSEACH
Airíonna Laga Ceimiceacha (*)	Láithreach salainn, sóidiam inmhalartaithe, aigéadacht iomarcach	Salandacht: ≥ 4 dheici-Shímin in aghaidh an mhéadair (dS/m) sa bharrithreach nó
		Tomhas Sóidiam: ≥ 6 Chéatadán Sóidiam inmhalartaithe (ESP) i leath nó níos mó ná leath (go carnach) den 100 cm ón sraith dromchlá ithreach nó
		Aigéadacht ithreach: pH ≤ 5 (in uisce) sa bharrithreach
TÍR-RAON		
Fána Ghéar	Athrú airde maidir le hachar plánaiméadrach (%)	≥ 15 %

(*) Ní gá do na Ballstáit comhlíonadh an chritéir seo a sheiceáil ach amháin i gcomparáid leis na tairsighatá ábhartha maidir leis an gcás sonrach a bhaineann le limistéar

IARSCRÍBHINN IV

**LIOSTA TÁSCACH BEART AGUS OIBRÍOCHTAÍ A BHFUIL ÁBHARTHACHT FAOI LEITH AG BAINTEAR LE
MAIDIR LE FOCHLÁIR THÉAMACHA DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 7**

Feirmeoirí óga:

- Cabhair nuathionscanta gnó d'fheirmeoirí óga atá ag tosú amach i ngabháltas talún den chéad uair
- Infheistíochtaí i sócmhainní fisiceacha
- Gníomhaíochtaí aistrithe eolais agus faisnéise
- Seirbhísí comhairle, seirbhísí bainistíochta feirme agus seirbhísí faoisimh feirme
- Comhar
- Infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta

Feirmeacha beaga:

- Cabhair nuathionscanta gnó le haghaidh feirmeacha beaga a fhorbairt
- Infheistíochtaí i sócmhainní fisiceacha
- Scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus d'earraí bia
- Gníomhaíochtaí aistrithe eolais agus faisnéise
- Seirbhísí comhairle, seirbhísí bainistíochta feirme agus seirbhísí faoisimh feirme
- Comhar

Infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta

- Grúpaí táirgeoirí a bhunú
- LEADER

Limistéir sléibhe:

- Íocaíochtaí le limistéir a bhfuil srianta nádúrtha nó srianta eile sonracha ag bagairt orthu
- Oibríochtaí aeráide agra-comhshaoil
- Comhar
- Infheistíochtaí i sócmhainní fisiceacha
- Forbairt feirmeacha agus gnóthaí i limistéir thuaithe
- Scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus d'earraí bia
- Córais agraforaoiseachta a bhunú
- Seirbhísí bunúsacha agus athnuachan sráidbhailte i limistéir thuaithe
- Gníomhaíochtaí aistrithe eolais agus faisnéise
- Seirbhísí comhairle, seirbhísí bainistíochta feirme agus seirbhísí faoisimh feirme
- Grúpaí táirgeoirí a bhunú
- LEADER

Slabhraí soláthair gairide:

- Comhar
- Grúpaí táirgeoirí a bhunú
- LEADER
- Scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus d'earraí bia

Seirbhísí bunúsacha agus athnuachan sráidbhailte i limistéir thuaithe

Infheistíochtaí i sócmhainní fisiceacha

Gníomhaíochtaí aistrithe eolais agus faisnéise

Seirbhísí comhairle, seirbhísí bainistíochta feirme agus seirbhísí faoisimh feirme

Mná i gceantair tuaithe:

Gníomhaíochtaí aistrithe eolais agus faisnéise

Seirbhísí comhairle, seirbhísí bainistíochta feirme agus seirbhísí faoisimh feirme

Infheistíochtaí i sócmhainní fisiceacha

Forbairt feirmeacha agus gnóthaí

Seirbhísí bunúsacha agus athnuachan sráidbhailte i limistéir thuaithe

Comhar

LEADER

Maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin agus bithéagsúlacht:

Gníomhaíochtaí aistrithe eolais & faisnéise

Seirbhísí comhairle, seirbhísí bainistíochta feirme agus seirbhísí faoisimh feirme

Infheistíochtaí i sócmhainní fisiceacha

Acmhainneacht táirgeachta talmhaíochta a ndearnadh damáiste di de bharr tubaistí nádúrtha agus teagmhas turraingeach a athbhunú agus bearta iomchuí coisctheacha a thabhairt isteach

Seirbhísí bunúsacha agus athnuachan sráidbhailte i limistéir thuaithe

Infheistíochtaí i bhforbairt limistéar foraoise agus i bhfeabhsú inmharthanacht na bhforaoisí

Agra-chomhshaoil-aeráide

Feirmeoireacht Orgánach

Íocaíochtaí Natura 2000 agus na Creat-Treorach Uisce

Íocaíochtaí le limistéir a bhfuil srianta nádúrtha nó srianta eile sonracha ag bagairt orthu (bithéagsúlacht)

Seirbhísí comhshaoil agus aeráide foraoise agus caomhnú foraoise

Comhar

Bainistiú riosca

—————

IARSCRÍBHINN V

COINNÍOLLACHTAÍ EX ANTE LE HAGHAIDH FORBARTHA TUAITHE

1. COINNÍOLLACHTAÍ ATÁ NASCTHA LE TOSAÍOCHTAÍ

Tosaíocht de chuid AE maidir le forbairt tuaithe (FT)/RFC Cuspóir Téamach (CT)	Coinníollachtaí ex ante	Critéir atá le comhlíonadh
<p>Tosaíocht FT 3: eagrú an tslabhra bia a chur chun cinn, lena n-áirítear táirgí talmhaíochta a phróiseáil agus a chur ar an margadh, leas ainmhithe agus bainistiú riosca sa talmhaíochta</p> <p>CT 5: oiriúnú d'athrú aeráide, cosc agus bainistiú riosca a chur chun cinn</p>	<p>3.1. Cosc ar rioscaí agus bainistiú rioscaí: measúnuithe riosca náisiúnta nó réigiúnacha a bheith ann don bhainistiú tubaiste, agus oiriúnú don athrú aeráide á chur san áireamh</p>	<ul style="list-style-type: none"> — Beidh measúnú riosca náisiúnta nó réigiúnach i bhfeidhm ina mbeidh na gnéithe seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> — Tuairisc ar an bpróiseas, ar an modheolaíocht, ar na modhanna agus ar na sonraí neamh-íogair a úsáidtear chun measúnú riosca a dhéanamh mar aon le cur síos ar na critéir riosca-bhunaithe a bhaineann le tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht; — Tuairisc ar chásanna aonriosca agus ilrioscaí; — Straitéisí náisiúnta oiriúnaithe don athrú aeráide a chur san áireamh, nuair is iomchuí.
<p>Tosaíocht FT 4: na héiceachórais a bhaineann leis an talmhaíocht agus leis an bhforaoiseacht a athshlanú, a chaomhnú agus a fheabhsú</p>	<p>4.1 Tá caighdeáin maidir le Dáláí Maithe Talmhaíochta agus Comhshaoil (DMTC) na talún dá dtagraítear i gCaibidil I de Theideal VI de Rialachán (AE) 1306/2013 bunaithe ar an leibhéal náisiúnta</p>	<ul style="list-style-type: none"> — déantar caighdeáin DMTC a shainiú sa dlí náisiúnta agus a shonrú sna cláir;
<p>CT 5: oiriúnú don athrú aeráide, cosc agus bainistiú riosca a chur chun cinn</p>	<p>4.2 Tá na híoscheanglais maidir le leasacháin agus táirgí cosanta plandaí dá dtagraítear in Airteagal 28 de Chaibidil I de Theideal III den Rialachán seo sainithe ar an leibhéal náisiúnta</p>	<ul style="list-style-type: none"> — déantar na híoscheanglais maidir le leasacháin agus táirgí cosanta plandaí dá dtagraítear i gCaibidil I de Theideal III den Rialachán seo a shainiú sna cláir;
<p>CT 6: an comhshaol a chosaint agus a chaomhnú agus éifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn</p>	<p>4.3 Tá na caighdeáin náisiúnta shainordaitheacha ábhartha chun críocha Airteagal 28 de Chaibidil I de Theideal III den Rialachán seo sainithe</p>	<ul style="list-style-type: none"> — sonraítear caighdeáin náisiúnta shainordaitheacha ábhartha sna cláir;
<p>Tosaíocht FT 5: éifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn agus tacú leis an athrú go geilleagar ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh na haeráide de in earnálacha na talmhaíochta, an bhia agus na foraoiseachta</p> <p>CT 4: tacú leis an athrú go geilleagar ísealcharbóin i ngach earnáil</p> <p>CT 6: An comhshaol a chosaint agus a chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní a chur chun cinn</p>	<p>5.1 Éifeachtúlacht fuinnimh: Rinneadh gníomhaíochtaí ar mhaithe le feabhas costas-éifeachtach ar éifeachtúlacht fuinnimh na críochúsáide agus infheistíocht costas-éifeachtach in éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus foirgnimh á dtógáil nó á n-athchóiriú.</p>	<ul style="list-style-type: none"> — Is éard atá sa ghníomhaíochtaí sin: <ul style="list-style-type: none"> — Is iad na gníomhaíochtaí sin: Bearta lena áirithiú go bhfuil íoscheanglais a bhaineann le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh i bhfeidhm atá comhsheasmhach le hAirteagal 3, le hAirteagal 4 agus le hAirteagal 5 de Threoir 2010/31/AE ⁽¹⁾. — Bearta atá riachtanach chun córas deimhniúcháin a bhunú maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh i gcomhréir le hAirteagal 11 de Threoir 2010/31/AE — Bearta lena áirithiú pleanáil straitéiseach maidir le tíosacht ar fhuinneamh, atá comhsheasmhach le hAirteagal 3 de Threoir 2012/27 AE ⁽²⁾

Tosaíocht de chuid AE maidir le forbairt tuaithe (FT)/RFC Cuspóir Téamach (CT)	Coinníollachtaí ex ante	Critéir atá le comhlíonadh
		<p>— Bearta atá comhsheasmhach le hAirteagal 13 de Threoir 2006/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ chun a áirithiú go dugar méadair aonair do na custaiméirí deiridh a mhéid is féidir sin a dhéanamh go teicniúil, a mhéid atá sé réasúnta ó thaobh airgeadais de agus comhréireach maidir le coigiltí fuinnimh a d'fhéadfadh a bheith ann.</p>
	5.2 Earnáil an uisce: Na nithe seo a bheith ann: a) beartas praghsála uisce, lena dtugtar dóthain dreasachtaí do na húsáideoirí acmhainní uisce a úsáid go héifeachtúil agus b) rannchuidiú leordhóthanach na n-úsáidí éagsúla uisce le costas na seirbhísí uisce a ghnóthú ar ráta a chinntear sa phlean bainistithe abhantraí d'fheistíocht a dhéantar trí na cláir.	— In earnálacha arna tacú ag CETFT, d'áirithigh an Ballstát go raibh rannchuidiú ó úsáidí difriúla uisce le hathshlánú chostais na seirbhíse uisce de réir na hearnála ar bhealach atá comhsheasmhach leis an gcéad fhleasc de chéad mhír den Treoir Réime maidir le hUisceag féachaint, i gcás inarb iomchuí, do na héifeachtaí sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíocha atá ag an athshlánú sin chomh maith le coinníollacha geografacha agus aeráide an réigiúin nó na réigiún a bhfuil faoin thionchar;
	5.3 Fuinneamh inathnuaite: Rinneadh gníomhaíochtaí chun táirgeadh agus dáileadh foinsí fuinnimh inathnuaite a chur chun cinn ⁽⁴⁾	<p>— Tá scéimeanna tacaíochta trédhearcacha, tosaíocht maidir le rochtain ar an eangach nó rochtain ráthaithe agus maidir le seoladh, rialacha caighdeánacha a bhaineann le costas na n-oiriúnuithe teicniúla a iompar agus a chomhroinnt curtha i bhfeidhm agus comhsheasmhach le hAirteagal 14(1), le hAirteagal 16 (2) agus (3) de Threoir 2009/28/CE agus tá siad curtha ar fáil don phobal</p> <p>— Ghlac Ballstát plean gníomhaíochta náisiúnta um fhuinneamh inathnuaite atá comhsheasmhach le hAirteagal 4 de Threoir 2009/28/CE</p>
Tosaíocht FT 6: cuimsiú sóisialta, laghdú bochtaineachta agus forbairt eacnamaíoch i limistéir thuaithe a chur chun cinn CT 2: Úsáid agus cáilíocht theicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide agus rochtain orthu a fheabhsú (Sprioc Leathanbhanda)	6. Bonneagar an Ghréasáin don chéad Ghlúin Eile (NGN): Pleananna náisiúnta nó réigiúnacha NGA a bheith ann a chuireann gníomhaíochtaí réigiúnacha san áireamh d'fhonn spriocanna AE maidir le rochtain Idirlin ardluais a bhaint amach ⁽⁵⁾ , a dhíríonn ar réimsí ina dteipeann ar an margadh bonneagar oscailte ar phraghas réasúnta agus ar cháilíocht a chur ar fáil i gcomhréir le rialacha AE maidir le hiomaíochas agus státchabhair, agus seirbhísí inrochtana a chur ar fáil do ghrúpaí leochaileacha.	<p>— Tá plean náisiúnta nó réigiúnach NGN curtha ar bun ina bhfuil an méid seo a leanas:</p> <p>— plean infheistíochtaí sa bhonneagaratá bunaithe ar anailís eacnamaíoch ag cur san áireamh bonnagair phríobháideacha agus phoiblí atá ann cheana agus infheistíochtaí pleanáilte;</p> <p>— samhlacha infheistíochta inbhuanaithe a fheabhsaíonn iomaíocht agus a sholáthraíonn rochtain ar bhonneagar agus ar sheirbhísí atá oscailte, ar phraghas réasúnta, ar ardcháilíocht agus atá oiriúnaithe don todhchaí;</p> <p>— bearta chun infheistíocht phríobháideach a spreagadh.</p>

⁽¹⁾ Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO L 153, 18.6.2010, lch. 13).

⁽²⁾ Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh lena leasaítear Treoir 2009/125/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/8/CE agus Treoir 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1).

⁽³⁾ Treoir 2006/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2006 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh na críochúsáide agus le seirbhísí fuinnimh agus lena n-aisghairtear Threoir 93/76/CEE ón gComhairle (IO L 114, 27.4.2006, lch. 64).

⁽⁴⁾ Treoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn agus lena n-aisghairtear Treoracha 2001/77/CE agus 2003/30/CE ón gComhairle (IO L 140, 5.6.2009, lch. 16).

⁽⁵⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Clár Oibre Digiteach don Eoraip (COM(2010) 245 final/2, 26.8.2010); Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin: Scórchlár don Chlar Digiteach (SEC(2011) 708 den 31.5.2011). Scórchlár: http://ec.europa.eu/information_society/digital-agenda/scoreboard/index_en.htm

IARSCRÍBHINN VI

LIOSTA TÁSCACH DE BHEARTA ATÁ ÁBHARtha MAIDIR LE TOSAÍOCHT AMHÁIN NÓ NÍOS MÓ DE CHUID AN AONTAIS DON FHOIRTEAR TUAITHE

Beara a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo maidir le roinnt tosaíochtaí de chuid an Aontais

Airteagal 15 Seirbhísí comhairle, seirbhísí bainistithe feirme agus seirbhísí faoisimh feirme

Airteagal 17 Infheistíochtaí i sócmhainní fisiceacha

Airteagal 19 Forbairt feirme agus gnó

Airteagal 35 Comhar

Airteagal 42 - 44 LEADER

Beara a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo maidir le haistriú eolas agus nuálaíocht sa talmhaíocht, san fhoraoiseacht agus i limistéir thuaithe a chothú

Airteagal 14 Aistriú eolais agus gníomhaíochtaí faisnéise

Airteagal 26 Infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí foraoiseachta agus i dtáirgí foraoiseachta a phróiseáil, a úsáid agus a mhargú

Beara a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo maidir le feabhas a chur ar an iomaíocht i ngach cineál talamhaíochta agus maidir le feabhas a chur ar inmharthanacht feirmeacha

Airteagal 16 Scéimeanna Cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta agus earraí bia

Beara a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an slabhra bia a eagrú agus bainistiú riosca sa talmhaíocht

Airteagal 18 Athshlánú a dhéanamh ar acmhainneacht táirgeachta talmhaíochta a ndearnadh dochar di trí thubaistí nádúrtha agus teagmhais thurraingeacha agus gníomhaíochtaí coisctheacha iomchuí a thabhairt isteach

Airteagal 24 Dochar d'fhoraoisí ó dhóiteáin foraoise agus ó thubaistí nádúrtha agus ó theagmhais thurraingeacha a chosc agus a athshlánú

Airteagal 27 Grúpaí táirgeoirí a bhunú

Airteagal 33 Leas ainmhithe

Airteagal 36 Bainistiú riosca

Airteagal 37 Árachas do bharrá, d'ainmhithe agus do phlandaí

Airteagal 38 Cistí frithpháirteacha le haghaidh galar ainmhithe agus plandaí agus teagmhas comhshaoil

Airteagal 39 Uirlis um chobhsaíocht ioncain

Beara a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo maidir le héiceachórais atá ag brath ar thalmhaíocht agus ar fhoraoiseacht a athshlánú, a chaomhnú agus a fheabhsú

agus

Éifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn agus tacú le hathrú go geilleagar ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh aeráide de in earnálacha na talmhaíochta, an bhia agus na foraoiseachta

Airteagal 21(1)(a) Coillearnacha a fhoraoisiú agus a chruthú

Airteagal 21(1)(b) Córais agraforaoiseachta a bhunú

- Airteagal 21(1)(d) Infheistíochtaí chun athléimneacht agus luach comhshaoil éiceachórais na bhforaoisí a fheabhsú
- Airteagal 28 Agra-chomhshaoil-aeráide
- Airteagal 29 Feirmeoireacht orgánach
- Airteagal 30 Natura 2000 agus íocaíochtaí na creat-threorach maidir le hUisce
- Airteagal 31-32 Íocaíochtaí i leith limistéar a bhfuil srianta nádúrtha nó eile orthu
- Airteagal 34 Seirbhísí foraoise-comhshaoil agus aeráide agus caomhnú foraoise
- Bearta a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo maidir le cuimsiú sóisialta, laghdú bochtaineachta agus forbairt eacnamaíocht i limistéir thuaithe a chur chun cinn
- Airteagal 20 Seirbhísí bunúsacha agus athnuachan sráidbhailte i limistéir thuaithe
- Airteagal 42 – 44 LEADER
-

RIALACHÁN (AE) Uimh. 1306/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 17 Nollaig 2013

maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún dar teideal "CBT as seo go 2020: Déileáil le dúshlán an bhia, na n-acmhainní nádúrtha agus leis na dúshlán chríochacha san am atá le teacht", rinneadh na dúshlán, na cuspóirí agus na treoshuímh a d'fhéadfadh a bheith ann don Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT) tar éis 2013 a scrúdú. I bhfianaise na díospóireachta i dtaobh na Teachtaireachta sin, ba cheart CBT a athchóiriú le héifeacht ón 1 Eanáir 2014. Ba cheart don athchóiriú sin príomhionstraimí uile an CBT a chumhdach, lena n-áirítear Rialachán (CE) ón gComhairle Uimh. 1290/2005 ⁽²⁾. Ón taithí a fuarthas ón Rialachán sin a chur chun feidhme is léir gur gá eilimintí áirithe den sásra maoinithe agus faireacháin a choigeartú. I bhfianaise raon feidhme an athchóirithe sin, is iomchuí Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 a aisghairm agus téacs nua a chur ina ionad. Ba cheart don athchóiriú, a mhéid is féidir, a chuid forálacha a chomhchuíbhíú, a chuíchóiriú agus a shimpliú.
- (2) D'fhonn eilimintí neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo a fhorlíonadh nó a leasú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a tharmligean don Choimisiún maidir le creidiúnú gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí comhordaithe, maidir le hoibleagáidí na ngníomhaireachtaí íocaíochta maidir le hidirghabháil phoiblí, chomh maith leis na rialacha maidir lena bhfuil ina bhfreagrachtaí bainistithe agus

rialaithe, maidir leis na bearta atá le maoiniú le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh (buiséad an Aontais) faoi idirghabháil phoiblí agus luacháil na n-oibriochtaí i ndáil le hidirghabháil phoiblí, maidir le maoluithe ar neamhcháilitheacht i gcomhair íocaíochtaí a dhéanfaidh na gníomhaireachtaí íocaíochta leis na tairbhíthe roimh an dáta íocaíochta is luaithe is féidir nó tar éis an dáta íocaíochta is déanaí is féidir maidir leis an gcúiteamh idir caiteachas agus ioncam faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT). Chomh maith leis sin, ba cheart go gcumhdófaí leis an gcumhachtú sin na modhanna is infheidhme maidir leis na gealltanais agus íocaíocht na suimeanna i gcás nach mbeidh buiséad an Aontais glactha ag tús na bliana airgeadais nó i gcás ina sáróidh méid iomlán na réamhghéalltanais an tairseach a leagtar síos in Airteagal 170(3) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾.

Thairis sin, ba cheart go gcumhdófaí leis an gcumhachtú sin, íocaíochtaí míosúla ón gCoimisiún do na Ballstáit a chur siar maidir le caiteachas faoi CERT agus cur chun feidhme na gcoinníollacha lena rialaítear laghdú nó fionraí íocaíochtaí idirthréimhseacha ón gCoimisiún do na Ballstáit faoi CETFT. Ba cheart go gcumhdófaí leis an gcumhachtú sin chomh maith fionraí íocaíochtaí míosúla nó idirthréimhseacha nár seoladh an fhaisnéis staidrimh ábhartha ina leith in am, maidir le hoibleagáidí sonracha a bheidh le comhlíonadh ag na Ballstáit i dtaca le seiceálacha, na critéir agus an mhodheolaíocht chun ceartúcháin a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an nós imeachta imréitigh comhréireachta agus maidir le haisghabháil fiach. Thairis sin, ba cheart go gcumhdófaí leis an gcumhachtú sin ceanglais i ndáil le nósanna imeachta custaim, tarraing siar cabhrach agus na pionóis do mhainneachtain i gcás nach gcomhlíontar na gcoinníollacha incháilitheachta, agus maidir leis na ceanglais nó oibleagáidí eile a bhíonn mar thoradh ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta talmhaíochta earnálaí. Mar an gcéanna, ba cheart go gcumhdófaí leis an gcumhachtú sin bearta margaidh ar ina leith a bhféadfadh an Coimisiún íocaíochtaí míosúla a chur ar fhionraí, rialacha maidir le hurrúis agus maidir le feidhmiú an chórais chomhtháite riaracháin agus rialaithe chomh maith leis na bearta a eisiatar ó ghrinnscrúdú ar idirbhearta. Ar an gcuma céanna, ba cheart go gcumhdófaí leis an gcumhachtú si, suim na n-admhálacha nó na n-íocaíochtaí a mhodhnú ar suim í nár cheart grinnscrúdú a dhéanamh uirthi de bhun an Rialacháin seo de ghnáth i ndoiciméad tráchtála de chuid na ngnóthas, na pionóis a chuirtear i bhfeidhm faoi thras-chomhlíonadh, na ceanglais rialaithe in earnáil an fhíona, na rialacha maidir le cothabháil féaraigh bhuan.

⁽¹⁾ IO C 191, 29.6.2012, lch. 116.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2005 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú (IO L 209, 11.8.2005, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad bliantúil an Aontais (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1).

Sa deireadh, ba cheart go gcumhdófaí leis an gcumhachtú sin na rialacha maidir leis an imeacht feidhme agus an ráta malartaithe atá le húsáid ag na Ballstáit nach n-úsáideann an euro, bearta a ghlacadh d'fhonn cur i bhfeidhm dhlí an Aontais a chosaint más rud é gur dóchúil go ndéanfaidh cleachtais eisceachtúla airgeadaíochta a bhaineann leis an airgeadra náisiúnta an cur i bhfeidhm sin a chur i mbaol agus maidir le hábhar chomhchreat meastóireachta agus faireacháin na mbearta a ghlactar faoi CBT agus i ndáil le bearta idirthrémhseacha.

Tá sé thar a bheith tábhachtach go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear le saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur an tráth céanna, go tráthúil agus go hiomchuí, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

- (3) Is éard atá sa CBT bearta éagsúla, a mbaineann cuid acu le forbairt tuaithe. Tá sé tábhachtach maoiniú a chur ar fáil do na bearta sin chun rannchuidiú le cuspóirí CBT a chur i gcrích. Ós rud é go bhfuil eilimintí áirithe i bpáirt ag na bearta sin ach go bhfuil siad difriúil óna chéile ó thaobh roinnt gnéithe, ba cheart na forálacha maidir lena maoiniú a chomhceangal i bhforálacha. Nuair is gá ba cheart go ligfí a fhágann go bhféadfar déileáil leo ar bhealach difriúil nuair is gá. Cruthaíodh dhá chiste Eorpach talmhaíochta le Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005, eadhon CERT agus CETFT (na "Cisté"). Ba cheart na Cisté sin a choimeád ar bun.
- (4) Ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 agus ag na forálacha a ghlactar dá bhun maidir leis na bearta a leagtar amach sa Rialachán seo. Leagtar síos go háirithe sa Rialachán sin forálacha a bhaineann le comhbhainistiú le Ballstáit bunaithe ar phrionsabail bainistithe fóna airgeadais, trédhearcachta agus neamh-idirdhealaithe, chomh maith le forálacha maidir le feidhmiú comhlachtaí creidiúnaithe, na prionsabail bhuiséadacha, ar forálacha iad ar cheart a urramú faoi chuimsiú an Rialacháin seo.
- (5) Chun comhsheasmhacht idir cleachtais na mBallstát agus feidhmiú comhchuibhithe an chláisail force majeure a áirithiú, ba cheart foráil leis an Rialachán seo, i gcás inarb iomchuí, do dhíolúintí i gcásanna force majeure agus in imthosca eisceachtúla, agus do liosta neamhuileghabhálach cásanna force majeure agus imthosca eisceachtúla a d'fhéadfadh a bheith ann a bheidh le haithint ag na húdaráis inniúla náisiúnta. D'fhéadfadh na húdaráis sin leas a bhaint as an liosta le cásanna force majeure nó imthosca eisceachtúla a shainiú. Ba cheart an cinneadh a dhéanamh, áfach, ar bhonn gach cáis ar leith, bunaithe ar an bhfianaise ábhartha chun sástachta an údaráis inniúil agus ba cheart coincheap an force majeure faoi chuimsiú dhlí talmhaíochta an Aontais a léirmhíniú i bhfianaise chásdlí na Cúirte Breithiúnais.
- (6) Ba cheart do bhuiséad an Aontais caiteachas do CBT a mhaoiniú, lena n-áirítear caiteachas ar fhorbairt tuaithe,

trí na Cisté cibé acu go díreach nó i gcomhthéacs comhbhainistithe leis na Ballstáit. Ba cheart na cineálacha bearta is féidir a mhaoiniú leis na Cisté a shonrú.

- (7) Ba cheart foráil go dtabharfadh na Ballstáit creidiúnú do ghníomhaireachtaí íocaíochta, ba cheart foráil do nósanna imeachta a bhunú chun na dearbhuithe bhainistíochta is gá a fháil, agus do dheimhniú córas bainistithe agus faireacháin, agus ba cheart foráil freisin go ndeimhneodh comhlachtaí neamhspleácha na cuntais bhliantúla. Ina theannta sin, chun trédhearcacht seiceálacha náisiúnta a áirithiú, go háirithe maidir le nósanna imeachta údaraithe, bailíochtaithe agus íocaíochta, chun an t-ualach riaracháin agus iniúchta a laghdú do sheirbhísí an Choimisiúin agus do na Ballstáit chomh maith i gcás ina gceanglaítear gach gníomhaireacht íocaíochta a chreidiúnú, ba cheart líon na n-údarás agus na gcomhlachtaí a dtarmligtear na cúraimí sin chucu a shrianadh, agus socrúithe bunreachtúla gach Ballstáit á gcur san áireamh. Le go seachnófar atheagrú gan ghá ar chostais, áfach, ba cheart go mbeadh cead ag na Ballstáit líon na ngníomhaireachtaí íocaíochta a chreidiúnaíodh sular tháinig an Rialachán seo i bhfeidhm a choimeád.
- (8) I gcás ina gcreidiúnaíonn Ballstát níos mó ná gníomhaireacht íocaíochta amháin, tá sé tábhachtach go n-ainmneoidh sé comhlacht poiblí comhordaithe aonair chun comhsheasmhacht a áirithiú i mbainistiú na gcisté, chun idirchaidreamh a dhéanamh idir an Coimisiún agus na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe éagsúla agus chun a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis a iarrann an Coimisiún faoi oibríochtaí roinnt gníomhaireachtaí íocaíochta a chur ar fáil go tapa. Ba cheart go ndéanfaidh an comhlacht poiblí comhordaithe gníomhaíochtaí a ghlacadh nó a chomhordú, de réir mar a tharlaíonn sé d'fhonn aon easnamh de chineál coiteann a réiteach agus an Coimisiún a choimeád ar an eolas maidir le haon ghníomhaíochtaí leantacha agus, i gcás inar féidir é, ba cheart dó cur i bhfeidhm aonchineálach comhrialacha agus comhchaighdeán a chur chun cinn agus a áirithiú.
- (9) Is iad gníomhaireachtaí íocaíochta arna gcreidiúnú ag na Ballstáit amháin a thugann urrús réasúnach go bhfuil na seiceálacha is gá curtha i gcrích sula ndéanfaítear cabhair ón Aontas do thairbhíthe. Ba cheart a leagan síos go sainráite, mar sin, sa Rialachán seo nach féidir ach caiteachas a dhéanamh gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe a aisíoc ó bhuiséad an Aontais.
- (10) Chun cabhrú le tairbhíthe bheith níos feasaí ar an ngaol idir cleachtais talmhaíochta agus bainistiú feirmeacha ar thaobh amháin, agus caighdeán a bhaineann leis an gcomhshaoil, athrú aeráide, dea-bhail talmhaíochta talún, sábháilteacht bia, sláinte phoiblí, sláinte ainmhithe, sláinte plandaí agus leas ainmhithe ar an taobh eile, ní mór do na Ballstáit córas cuimsitheach comhairleach feirme a bhunú a thairgeann comhairle do thairbhíthe. Níor cheart don chóras comhairleach feirme difear a dhéanamh ar aon bhealach d'oireagáid ná do fhreagracht na dtairbhíthe i leith na gcaighdeán sin. Chomh maith leis sin, ba cheart do na Ballstáit deighilt shoiléir idir comhairle agus seiceálacha a áirithiú.

(11) Ba cheart don chóras comhairleach feirme na hoibleagáidí ar leibhéal na feirme a eascraíonn as na ceanglais agus na caighdeáin as a ndéantar tras-chomhlíonadh a chumhdach ar a laghad. Ba cheart don chóras sin na ceanglais atá le hurramú i ndáil le cleachtais talmhaíochta is tairbhíúil don aeráid agus don chomhshaol a chumhdach freisin, chomh maith le cothabháil an limistéir talmhaíochta faoi Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ chomh maith le bearta ar leibhéal na feirme dá bhforáiltear i gcláir forbartha tuaithe, lena ndírítear ar fheirmeacha a nuachóiriú, ar iomaíochas a fhorbairt, ar chomhtháthú earnálach, ar nuálaíocht, ar threoshuíomh ó thaobh an mhargaidh agus ar chur chun cinn na fiontraíochta.

Sa deireadh thiar, ba cheart go gcumhdófaí leis an gcóras sin na ceanglais a fhochuirtear thairbhíthe mar a shainíonn na Ballstáit iad le forálacha sonracha Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾ agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽³⁾ a chur chun feidhme, go háirithe comhlíonadh na bprionsabal ginearálta maidir le srianadh comhtháite lotnaidí dá dtagraítear in Airteagal 14 de Threoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁴⁾.

(12) Ba cheart do thairbhíthe a bheith in ann teacht isteach sa chóras comhairleach feirme ar bhonn deonach. Ba cheart a cheadú do na tairbhíthe uile páirt a ghlacadh sa chóras, fiú feirmeoirí nach bhfuil ag fáil tacaíochta faoi CBT. Féadfaidh na Ballstáit, mar sin féin, critéir thosaíochta a leagan síos. I ngeall ar chineál an chórais, is iomchuí déileáil leis an bhfaisnéis a fhaightear le linn na gníomhaíochta comhairlí mar fhaisnéis rúnda, ach amháin i gcás sárúithe tromchúiseacha ar dhlí an Aontais nó ar an dlí náisiúnta. Chun éifeachtúlacht an chórais a áirithiú, ba cheart do na comhairleoirí a bheith cáilithe go cuí agus ba cheart iad a chur faoi oiliúint go rialta.

(13) Ba cheart don Choimisiún na hacmhainní airgeadais is gá, chun an caiteachas a dhéanann na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe i leith CERT a chumhdach, a chur ar fáil do na Ballstáit i bhfoirm aisiocaíochtaí in aghaidh gach iontrála caiteachais a dhéanann na gníomhaireachtaí sin agus a chuirtear sa leabhar. Go dtí go n-íoctar na haisíocaíochtaí sin, i bhfoirm íocaíochtaí míosúla, ba cheart do na Ballstáit acmhainní airgeadais a

úsáid i gcomhréir le riachtanais a ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe. Ba cheart do na Ballstáit féin agus do na tairbhíthe féin atá gafa le feidhmiú CBT costais riaracháin agus costais phearsanra CBT a thabhtú.

(14) Trí chóras agraimeitéareolaíoch a úsáid agus íomhánna satailíte a fháil agus a fheabhsú, ba cheart modhanna a chur ar fáil don Choimisiún, go háirithe, chun na margat talmhaíochta a bhainistiú, chun faireachán ar chaiteachas talmhaíochta a éascú agus chun faireachán a dhéanamh ar acmhainní talmhaíochta sa mheántearma agus san fhadtearma. Maille leis sin, i bhfianaise na taithí a fuarthas le feidhmiú Rialachán (CE) Uimh. 165/94⁽⁵⁾ ón gComhairle, ba cheart cuid dá fhorálacha a chorprú sa Rialachán seo agus ba cheart, dá dhroim sin, Rialachán (CE) Uimh. 165/94 a chúlghairm.

(15) I gcomhthéacs smacht buiséadach a urramú, is gá an uasteorainn bhliantúil don chaiteachas a mhaoinítear le CERT a shainiú trí na huasmhéideanna a leagtar síos don Chiste sin faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle⁽⁶⁾.

(16) Leis an smacht buiséadach ceanglaítear freisin go n-urramófar an uasteorainn bhliantúil arna maoiniú ag CERT i ngach cúinse agus ag gach céim den nós imeachta buiséid agus d'fheidhmiú an bhuiséid. Ceanglaítear leis seo go bhféachfar ar an uasteorainn d'íocaíochtaí díreacha in aghaidh an Bhallstáit a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 mar uasteorainn do na híocaíochtaí díreacha sin i gcás an Bhallstáit lena mbaineann agus go bhfanfaidh aisíoc na n-íocaíochtaí sin laistigh den uasteorainn sin. Ina theannta sin, le smacht buiséadach ceanglaítear go gcomhlíonann na gníomhartha uile arna mbeartú ag an gCoimisiún nó arna nglacadh ag an reachtóir nó ag an gCoimisiún faoin CBT agus arna maoiniú ag CERT, go gcomhlíonann siad an uasteorainn do chaiteachas arna maoiniú ag an gCiste sin.

(17) D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh na suimeanna chun CBT a mhaoiniú na huasteorainneacha bliantúla, ba cheart an sásra airgeadais a choimeád dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 73/2009⁽⁷⁾ ón gComhairle trína goigeartaítear leibhéal na tacaíochta díri. I gcásanna nach socraíonn Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle iad roimh an 30 Meitheamh den bhliain féilire a bhfuil feidhm acu ina leith, ba cheart an Coimisiún a údarú chun na coigeartuithe sin a shocrú.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíocht dhíreach le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chombhheartais talmhaíochta (Féach leathanach 608 den Iris Oifigiúil seo)

⁽²⁾ Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat le haghaidh gníomhaíochta Comhphobail sa réimse beartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

⁽⁴⁾ Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat le haghaidh gníomhaíochta Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicíd a bhaint amach (IO L 309, 24.11.2009, lch. 71).

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 165/94 ón gComhairle an 24 Eanáir 1994 maidir le cómhaoiniú a dhéanfaidh an Chomhphobal ar sheiceálacha cianbhraiteacha (IO L 24, 29.1.1994, lch. 6).

⁽⁶⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse 2014-2020 (Féach leathanach 884 den Iris Oifigiúil seo).

⁽⁷⁾ Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 an 19 Eanáir 2009 ón gComhairle lena mbunaítear comhrialacha do scéimeanna díreacha tacaíochta d'fheirmeoirí faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus lena mbunaítear scéimeanna áirithe tacaíochta d'fheirmeoirí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005, (CE) Uimh. 247/2006, (CE) Uimh. 378/2007 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 (IO L 30, 31.1.2009, lch. 16).

- (18) Ba cheart cúlchiste a bhunú chun tacú leis an earnáil talmhaíochta i gcás géarchéimeanna tromchúiseacha a dhéanfaidh difear don táirgeacht talmhaíochta nó don dáileadh talmhaíochta trí laghdú a chur i bhfeidhm ag tús gach bliana ar íocaíochtaí díreacha leis an sásra smachta airgeadais.
- (19) Foráiltear le hAirteagal 169(3) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/12 nach bhféadfar leithreasáí nár gealladh agus a bhaineann leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán seo a thabhairt anonn ach go dtí an chéad bhliain airgeadais dár gcionn agus ní fhéadfaidh íocaíocht bhreise a bheith ann dá bharr ach do na faighteoirí deiridh, agus dóibh siúd amháin, a bhí faoi réir an choigeartaithe ar íocaíochtaí díreacha le linn na bliana airgeadais roimhe sin, mar a thagraítear dó in Airteagal 25 den Rialachán seo. I gcás ina ndearnadh leithreasáí mar sin a thabhairt anonn go dtí an chéad bhliain airgeadais eile, bheadh ar lucht riaracháin náisiúnta íocaíochtaí a dhéanamh do dhá ghrúpa tairbhíthe a mbeidh íocaíochtaí díreacha á bhfáil acu i mbliain airgeadais amháin: ar thaobh amháin, na feirmeoirí atá faoi réir smachta airgeadais a aisíoc ó shuim an smachta airgeadais a tugadh anonn agus nár úsáideach, agus ar an taobh eile, íocaíochtaí díreacha a dhéanamh sa bhliain airgeadais N leis na feirmeoirí sin a bhfuil éileamh déanta acu i ndáil leo. Chun nach gcuirfeadh ualach róthrom riaracháin ar na riaracháin náisiúnta, ba cheart go ndéanfaí foráil do mhaolú ón gceathrú fómhír d'Airteagal 169(3) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, lena gceadófaí do na riaracháin náisiúnta an tsuim a tugadh anonn go dtí an bhliain airgeadais N a aisíoc le feirmeoirí faoi réir an smachta airgeadais sa bhliain N in ionad na bhfeirmeoirí a bheidh i dteideal é a fháil sa bhliain N-1.
- (20) Ní dhéanann na bearta a dhéantar chun ranníocaíocht airgeadais óna gCistí a chinneadh chun uasteorainneacha airgeadais a ríomh difear do chumhachtaí an údaráis bhuiséadaigh a ainmnítear le CFAE. Ba cheart do na bearta sin a bheith bunaithe ar shuímeanna tagartha a shocraítear i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach an 19 Samhain 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le comhar buiséadach, maidir le comhair in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistiú fóna airgeadais agus Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013.
- (21) Le smacht buiséadach éilítear chomh maith go ndéantar scrúdú leanúnach ar an staid bhuiséadach mheántéarmach. Ba cheart don Choimisiún, mar sin, agus an dréachtbuiséad do bhliain áirithe á thíolacadh aige, a réamhaisnéisí agus a anailísí a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle agus, más gá, bearta iomchuí a mholadh don reachtóir. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún lánúsáid a bhaint as a chumhachtaí bainistithe i gcónaí chun a áirithiú go gcomhlíonfar an uasteorainn bhliantúil agus, más gá, bearta iomchuí a mholadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó don Chomhairle chun an staid bhuiséadach a chur ina cheart. Más rud é, ag deireadh bliana buiséid, nach féidir an uasteorainn bhliantúil a chomhlíonadh de thoradh aisíocaíochtaí a d'iarr na Ballstáit, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann bearta a dhéanamh lena gceadófar dáileadh sealadach an bhuiséid atá ar fáil ar na Ballstáit i gcomhréir lena n-iarraitaí ar aisíocaíochtaí nach bhfuil íochta go fóill, agus lena gceadófar comhlíonadh na huasteorainn arna socrú don bhliain lena mbaineann. Ba cheart íocaíochtaí don bhliain sin a mhuirearú ar an mbliain buiséid dár gcionn agus ba cheart suim ionlán maoinithe ón Aontas in aghaidh an Bhallstáit a shuíomh go cinntitheach, agus cúiteamh idir Bhallstáit chun an tsuim atá socraithe a chomhlíonadh.
- (22) Agus an buiséad á chur chun feidhme aige, ba cheart don Choimisiún córas míosúil luathrabhaidh agus faireacháin do chaiteachas talmhaíochta a oibriú, sa chaoi go bhfeadfaidh an Coimisiún, má tá baol ann go sárófar an uasteorainn bhliantúil, bearta iomchuí a dhéanamh chomh luath agus is féidir faoi na cumhachtaí bainistithe atá aige agus bearta eile a mholadh más rud é gur léir nach bhfuil na bearta sin leordhóthanach. Ba cheart don Choimisiún tuarascáil thréimhsíúil a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ina ndéanfar comparáid idir éabhlóid an chaiteachais arna dhéanamh agus na próifíllí go dtí an pointe sin agus ina dtabharfar measúnú ar an gcur chun feidhme intuartha don chuid atá fágtha den bhliain buiséid.
- (23) Agus na doiciméid buiséid á dtarraingt suas, ba cheart don ráta malartaithe a úsáideann an Coimisiún an fhaisnéis is deireanaí a léiriú, ach an t-aga moille idir dréachtú agus tíolacadh na ndoiciméad a chur san áireamh.
- (24) Foráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ leagtar síos na rialacha a bhfuil feidhm acu i dtaca le tacaíocht airgeadais ó na cistí a chumhdaítear leis an Rialachán sin, lena n-áirítear CETFT. Áirítear sna forálacha sin freisin rialacha maidir le hincháilitheacht caiteachais, bainistiú airgeadais, agus córais bhainistithe agus rialaithe. Maidir le bainistiú airgeadais CETFT, ar mhaithe le soiléire dhlíthiúil agus comhleánúnachas idir cistí a chumhdaítear leis an Rialachán sin, ba cheart tagairt a dhéanamh do na forálacha ábhartha maidir le gealltanais bhuiséadacha, spriocdhátaí íocaíochta agus dídhílsiú Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.
- (25) Déantar na cláir forbartha tuaithe a mhaoiniú ó bhuiséad an Aontais ar bhonn gealltanais i dtráthchodanna bliantúla. Ba cheart gurbh fhéidir leis na Ballstáit cistí an Aontais a bhfuil foráil déanta ina leith a úsáid chomh luath agus a thosaíonn siad na cláir. Tá gá mar sin le córas réamh-mhaoinithe atá srianta go hiomchuí chun sreabhadh seasta cistí á airithiú sa chaoi is go ndéanfar íocaíochtaí leis na tairbhíthe faoi na cláir ag an tráth iomchuí.

(1) Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh a chumhdaítear leis an gComhchreat Straitéiseach agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 (Féach leathanach 320 den Iris Oifigiúil seo).

- (26) Cé is moite de réamh-mhaoiniú, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir íocaíochtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún leis na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe. Ba cheart íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíocht iarmhéideanna, agus rialacha maidir lena n-íocaíocht a shocrú. Ba cheart do riail an tsaortha uathoibríoch cuidiú le cur i bhfeidhm na gclár a bhrostú agus cuidiú le bainistiú fóna airgeadais. Leis na rialacha ar chreataí náisiúnta Ballstát ag a bhfuil cláir réigiúnacha mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ iad, déantar foráil freisin d'uirlis do Bhallstáit le feidhmiú agus bainistiú fóna airgeadais a áirithiú.
- (27) Ba cheart cabhair ón Aontas a íoc le tairbhíthe in am trátha ionas go bhféadfaid siad í a úsáid go héifeachtúil. Má mhainníonn na Ballstáit na sprioc-amanna íocaíochta a leagtar síos i ndlí an Aontais a chomhlíonadh d'fhéadfadh deacrachtaí tromchúiseacha teacht as do na tairbhíthe agus d'fhéadfaí buiséadú bliantúil an Aontais a chur i gcontúirt. Dá bhrí sin, ba cheart caiteachas arna dhéanamh gan sprioc-amanna íocaíochta a urramú a eisiamh ó mhaoiniú ón Aontas. Ba cheart prionsabal na comhréireachta a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 a choimeád agus ba cheart go mbeidh feidhm aige maidir leis na Cistí. Chun prionsabal na comhréireachta a urramú, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí ón riail ghinearálta seo.
- (28) I Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 foráiltear do laghdú agus fionraí íocaíochtaí míosúla nó eatramhacha do na Cistí. D'ainneoin fhocláocht sách leathan na bhforálacha sin, úsáidtear iad sa chleachtas go bunúsach chun íocaíochtaí a laghdú i leith neamh-urramú sprioc-amanna íocaíochta, uasteorainneacha agus 'ceisteanna cuntasáíochta' dá samhail, ar féidir iad a bhrath go héasca sna dearbhíthe caiteachais. Leis na forálacha sin ceadófar laghdú agus fionraí i gcás easnamh tromchúiseach agus seasmhach i gcórais rialaithe náisiúnta. Déantar forchur laghdú agus fionraí den sórt sin a chur faoi réir coinníollacha substainteacha sriantacha go leor lena bhforchur agus lena bhforáiltear do nós imeachta ar leith, ina mbeidh dhá chéim, atá le leanúint. Tá an t-údarás buiséadach tar éis a iarraidh ar an gCoimisiún arís agus arís eile íocaíochtaí le Ballstáit neamh-chomhlíontacha a chur ar fionraí. I bhfianaise an chúlra seo, is gá an córas dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 maidir le laghdú agus fionraí a shoiléiriú agus na rialacha maidir le laghdú agus fionraí do na Cistí. on a chumasc in Airteagal ar leith amháin. Ba cheart an córas laghdú do 'ceisteanna cuntasáíochta' a choimeád i gcomhréir leis an gcleachtas riaracháin atá ann cheana. Ba cheart an deis íocaíochtaí a laghdú nó a fhionraí i gcás easnamh suntasach agus seasmhach i gcórais rialaithe náisiúnta a athdhaingniú chun go mbeadh deis ag an gCoimisiún íocaíochtaí a fhionraí
- go tapa nuair a bhraitear easnamh tromchúiseacha. Ba cheart an deis sin a leathnú trí fhaill a áirithiú sa chóras le haghaidh íocaíochtaí neamhrialta a aisghabháil.
- (29) Sa reachtaíocht talmhaíochta eárnalach ceanglaítear ar na Ballstáit faisnéis faoin líon seiceálacha atá déanta agus faoi thoradh na seiceálacha sin a sheoladh faoi sprioc-amanna sonrath. Úsáidtear an staidreamh rialaithe sin chun an leibhéal earráide ar leibhéal na mBallstát a chinneadh agus, go ginearálta, chun seiceáil a dhéanamh ar bhainistiú na gCistí. Is foinse thábhachtach eolais an staidreamh rialaithe lena gcumasaítear don Choimisiún a chinneadh an bhfuil na cistí á mbainistiú mar is ceart agus is eilimint fhíor-riachtanach den dearbhú bliantúil urrúis iad. I bhfianaise fhíorthábhacht an staidrimh rialaithe agus chun a áirithiú go n-urramóidh na Ballstáit a n-oibleagáid é a sheoladh in am, ní mór bac a chur ar sholáthar déanach na sonraí ar bac é atá comhréireach le méid an easnamh sonraí. Dá bhrí sin, ba cheart forálacha a bhunú lena féidir leis an gCoimisiún cuid de na híocaíochtaí míosúla nó idirmhéanacha nár seoladh an fhaisnéis staidrimh ábhartha ina leith in am a fhionraí.
- (30) Chun athúsáid na gcistí óna Cistí a cheadú, tá gá le rialacha maidir le suimeanna sonracha a shannadh. Ba cheart an liosta atá i Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 a chomhlánú leis na suimeanna a bhaineann le híocaíochtaí déanacha agus le himréiteach cuntas maidir le caiteachas faoi CERT. Chomh maith leis sin, leagtar síos le Rialachán (CEE) Uimh. 352/78⁽²⁾ ón gComhairle na rialacha maidir le cinn scríbe na suimeanna a thagann as urrúis fhorghéillte. Ba cheart na forálacha a chomhchuíbhiú agus a chumasc leis na forálacha atá ann cheana maidir le hioncam sannta. Ba cheart mar sin Rialachán (CEE) Uimh. 352/78 a aisghairm.
- (31) I Rialachán (CE) Uimh. 814/2000⁽³⁾ ón gComhairle agus ina rialacha cur chun feidhme, sainítear na bearta faisnéise a bhaineann le CBT ar féidir iad a mhaoiniú faoi phointe (c) d'Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005. I Rialachán (CE) Uimh. 814/2000 tá liosta na mbeart sin agus a gcuspóirí agus socraítear ann na rialacha maidir lena maoiniú agus maidir le cur chun feidhme na dtionscadal comhfhreagrach. Ón uair a glacadh an Rialachán sin, táthar tar éis rialacha a ghlacadh i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 maidir le deontais agus soláthar. Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha sin freisin maidir le bearta faisnéise faoi CBT. Ar mhaithe le simpliú agus le comhleánúnachas, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 814/2000 a aisghairm ach na forálacha sonracha maidir leis na cuspóirí agus cineálacha beart atá le maoiniú a choimeád. Ba cheart a chur san áireamh leis

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 (Féach leathanach 487 den Iris Oifigiúil seo).

⁽²⁾ Rialachán (CEE) Uimh. 352/78 ón gComhairle an 20 Feabhra 1978 maidir le creidiúnú urrúis, taircís agus ráthaíochtaí a thugtar faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus a fhorghéilltear ina dhiaidh sin (IO L 50, 22.2.1978, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 814/2000 ón gComhairle an 17 Aibreán 2000 maidir le bearta faisnéise a bhaineann leis an gcomhbheartas talmhaíochta (IO L 100, 20.4.2000, lch. 7).

na bearta sin an gá lena áirithiú go ndéanfar cumarsáid níos éifeachtúla leis an bpobal i gcoitinne agus go mbeidh sineirgí níos láidre idir gníomhaíochtaí cumarsáide arna ngabháil ar lámh ar thionscnamh an Choimisiúin agus lena áirithiú go gcuirfear tosaíochtaí polaitiúla an Aontais in iúl go héifeachtach. Mar sin, ba cheart a chumhdach iontu freisin bearta faisnéise is ábhartha do CBT faoi chuimsiú na teachtaireachta corparáide dá dtagraítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún: Buiséad d' Eoraip 2020 ("Teachtireacht an Choimisiúin maidir le Buiséad d'Eoraip 2020" – Cuid II: Doiciméid bheartais.

- (32) Bainfidh bainistiú comhpháirteach i bpáirt le maoiniú beart agus oibríochtaí faoi CBT. Chun a áirithiú go ndéanfar cistí an Aontais a bhainistiú go fónta, ba cheart don Choimisiún seiceálacha a dhéanamh ar bhainistiú na gCistí ag na húdaráis Bhallstáit atá freagrach as na híocaíochtaí a dhéanamh. Is iomchuí cineál na seiceálacha atá le cur i gcrích ag an gCoimisiún a shainiú, téarmaí a fhreagrachtaí maidir leis an mbuiséad a chur chun feidhme a shonrú agus oibleagáidí comhair na mBallstát a shoiléiriú.
- (33) Chun go bhféadfaidh an Coimisiún a oibleagáid a chomhlíonadh maidir le seiceáil go bhfuil córais bhainistithe agus chigireachta do chaiteachas Aontais sna Ballstáit ann agus ag feidhmiú go cúf, ba cheart foráil a dhéanamh, gan aird ar an gcigireacht a dhéanann na Ballstáit féin, maidir le seiceálacha ag daoine arna dtarmilgean ag an gCoimisiún ar ceart dóibh bheith in ann cúnaimh a iarraidh ó na Ballstáit ina gcuid oibre.
- (34) Ní foláir teicneolaíocht faisnéise a úsáid a mhéad is féidir chun go gcuirfear ar fáil an fhaisnéis atá le cur chuig an gCoimisiúin. Agus seiceálacha á ndéanamh aige, ba cheart rochtain iomlán agus láithreach a bheith ag an gCoimisiún ar fhaisnéis faoi chaiteachas a thairdear i bhfoirm páipéir agus i bhfoirm leictreonach araon.
- (35) Chun an caidreamh airgeadais idir na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe agus buiséad an Aontais a bhunú, ba cheart don Choimisiún cuntais na ngníomhaireachtaí íocaíochta sin a imréiteach gach bliain (imréiteach airgeadais na gcuntas). Ba cheart don chinneadh maidir le himréiteach na gcuntas iomlána, cruinneas agus fírinneacht na gcuntas a chumhdach ach gan comhréireacht an chaiteachais le dlí an Aontais a chumhdach.
- (36) Tá an Coimisiún freagrach as buiséad an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme i gcomhar leis na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 317 CFAE. Tá de chumhacht ag an gCoimisiún, trí bhithín ghníomhartha chur chun feidhme, cinneadh a dhéanamh an gcomhlíonann an caiteachas a dhéanann na Ballstáit dlí

an Aontais. Ba cheart é a bheith de cheart ag na Ballstáit bonn údair a thabhairt lena gcinntí íocaíochtaí a dhéanamh agus a bheith de cheart acu dul ar iontaoibh idir-réitigh i gcás nach bhfuil aon chomhthoil idir iad féin agus an Coimisiún. Chun urrúis dlí agus airgeadais a thabhairt do na Ballstáit maidir le caiteachas arna dhéanamh san am a chuaigh thart, ba cheart don Choimisiún uastréimhse a shocrú lena gcinntear na hiarmhairtí airgeadais ar cheart a theacht as neamh-chomhlíonadh. Maidir le CETFT, ba cheart go mbeadh an nós imeachta imréitigh comhréireachta i gcomhréir le ceartúcháin airgeadais a dhéanfaidh an Coimisiún mar a leagtar síos i gCuid 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

- (37) Maidir le CERT, ba cheart suimeanna arna n-aisghabháil a aisíoc leis an gCiste i gcás nach bhfuil an caiteachas i gcomhréir le dlí an Aontais agus nach bhfuil aon teidlíocht ann. Ionas go mbeidh dóthain ama ann do na nósanna imeachta riaracháin is gá, lena n-áirítear rialú inmheánach, ba cheart do na Ballstáit aisghabháil a iarraidh ar an tairbhí laistigh de 18 mhí tar éis tiolacadh tuarascála rialaithe nó doiciméid den chineál sin, lena gcuirtear in iúl gur tharla neamhrialtacht, gur formheasadh é agus, i gcás inarb infheidhme, go bhfuair an ghníomhaireacht íocaíochta nó an comhlacht atá freagrach as an aisghabháil é. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le córas freagrachta airgeadais i leith neamhrialtachtaí in éagmais aisghabhála iomláine. I ndáil leis seo, ba cheart nós imeachta a bhunú lena bhféadfaidh an Coimisiún leasanna bhuiséad an Aontais a chosaint trína chinneadh suimeanna a cailleadh de thoradh neamhrialtachtaí agus nár aisghabhadh laistigh de thréimhse réasúnach a ghearradh go páirteach ar na Ballstáit lena mbaineann. I gcásanna áirithe faillí ar thaobh an Bhallstáit, tá údar maith leis an tsuim iomlán a ghearradh ar an mBallstát lena mbaineann. Mar sin féin, faoi réir comhlíonta oibleagáidí ag na Ballstáit faoina nósanna imeachta inmheánacha, ba cheart an t-ualach airgeadais a roinnt go cothrom idir an tAontas agus an Ballstát. Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha céanna maidir le CETFT, faoi réir an cheanglais, áfach, go bhfanfaidh suimeanna a aisghabhhtar nó a chuirtear ar ceal i ndiaidh neamhrialtachtaí ar fáil do na cláir forbartha tuaithe formheasta den Bhallstát lena mbaineann mar gur leithdháileadh na suimeanna sin ar an mBallstát sin. Ba cheart forálacha maidir le hoibleagáidí tuairiscithe do na Ballstáit a leagan amach freisin.
- (38) D'fhéadfadh sé gurb é an éifeacht a thiocfadh as nósanna imeachta aisghabhála arna n-úsáid ag na Ballstáit go gcuirfí moill roinnt blianta ar an aisghabháil, gan aon ráthaíocht gur toradh dearfach a bheidh orthu. Féadfaidh sé go mbeadh costas cur chun feidhme na nósanna imeachta sin díchoimhréireach leis na suimeanna a bhailítear nó is féidir a bhailiú. Dá thoradh sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann stop a chur leis na nósanna imeachta aisghabhála i gcásanna áirithe.

- (39) Chun leasanna airgeadais bhuiséad an Aontais a chosaint, ba cheart do na Ballstáit bearta a ghlacadh chun a dheimhniú dóibh féin go bhfuil idirbhearta a mhaoinítear leis na Cistí. á ndéanamh agus á gcur i gcrích i gceart. Ba cheart do na Ballstáit aon neamhrialtachtaí nó neamhchomhlíonadh oibleagáidí arna ndéanamh ag tairbhíthe a chosc, a bhrath agus déileáil leo go héifeachtach. Chun na críche sin, ba cheart go mbeadh feidhm ag Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95⁽¹⁾ ón gComhairle. I gcás ina sáraítear an reachtaíocht talmhaíochta earnálach, nuair nach leagtar síos mionrialacha maidir le pionóis riaracháin le gníomhartha dlí an Aontais, ba cheart do na Ballstáit pionóis náisiúnta a bheadh éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach a fhorchur.
- (40) Ba cheart go ndéanfaí maoiniú a sheachaint, faoi CBT, ar ghníomhaíochtaí lena ngintear costais bhreise i réimsí beartais eile a chumhdaítear le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, go háirithe an comhshaol agus an tsláinte phoiblí. Chomh maith leis sin, níor cheart go ngabhadh nósanna imeachta casta breise riaracháin ná maorlathas breise leis na córais nua íocaíochta ná leis na córais faireacháin agus pionóis a bhaineann leo.
- (41) I rialacháin éagsúla talmhaíochta earnálach, tá rialacha a bhaineann le prionsabail ghinearálta maidir le seiceálacha, aistarraingtí íocaíochtaí neamhdhlite agus a bhaineann le gearradh pionós. Ba cheart na rialacha sin a thiomnú sa chreat dlí céanna ar leibhéal cothrománach. Ba cheart oibleagáidí na mBallstát maidir le seiceálacha riaracháin agus seiceálacha ar an láthair, a mbeidh mar chuspóir leo a áirithiú go gcomhlíontar forálacha bhearta CBT, agus na rialacha maidir le haisghabháil, laghdú agus eisiaimh cabhrach a chumhdach iontu. Ba cheart rialacha maidir le seiceálacha ar oibleagáidí nach mbaineann de riachtanas le híocaíocht cabhrach a leagan síos freisin.
- (42) I bhforálacha áirithe na reachtaíochta talmhaíochta earnálach ceanglaítear go dtaiscfear urrús chun a áirithiú go n-íofar suim atá dlite mura gcomhlíonfar oibleagáid. Ba cheart feidhm a bheith ag riail chothrománach aonair maidir leis na forálacha sin go léir chun go neartófar an creat le haghaidh urrús.
- (43) Ba cheart do na Ballstáit córas comhtháite riaracháin agus rialaithe a oibriú (an "córas lánpháirtithe" i gcás íocaíochtaí áirithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 agus i Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013. Chun éifeachtacht thacaíocht an Aontais agus faireachán uirthi a fheabhsú, ba cheart na Ballstáit a údarú úsáid a bhaint as an gcóras comhtháite sin freisin i gcás scéimeanna tacaíochta eile de chuid an Aontais.
- (44) Ba cheart príomheilimintí an chórais chomhtháite sin agus, go háirithe, na forálacha maidir le bunachar sonraí ríomhairithe, córas chun dáileachtaí talmhaíochta a aithint, iarratais ar chabhair nó éilimh íocaíochta agus córas chun teidlíochtaí íocaíochtaí a aithint agus a thairbhíthe a thairbhí éiceolaíochta a bhaineann le gnéithe den tírdhreach. D'fhonn an t-ualach riaracháin a laghdú agus rialuithe éifeachtúla agus éifeachtacha a áirithiú, ba cheart go mbainfeadh na Ballstáit an leas iomchuí as an teicneolaíocht agus na córais sin á mbunú acu.
- (45) Ar mhaithe le brat tagartha a chruthú sa chóras aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta chun freastal ar limistéir éiceolaíocht-dhírithé, d'fhéadfadh na Ballstáit an fhaisnéis shonrach a fheadfar a iarraidh ó fheirmeoirí agus iarratais á ndéanamh acu do na blianta éilimh 2015 go 2017 a chur san áireamh, amhail aitheantas na ngnéithe tírdhreacha sin nó limistéar eile a fheadfar a cháiliú mar limistéir éiceolaíocht-dhírithé agus, i gcás inarb iomchuí, méid na ngnéithe sin agus na limistéar eile.
- (46) Ba cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta na híocaíochtaí dá bhforáiltear i scéimeanna tacaíochta de chuid an Aontais arna gcumhdach le córas comhtháite, a íoc ina n-iomláine leis na tairbhíthe, faoi réir aon laghduithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo, agus laistigh de thréimhsí a leagtar síos. Chun go mbeadh bainistiú íocaíochtaí díreacha níos solúbtha, ba cheart a cheadú do Bhallstáit íocaíochtaí arna gcumhdach ag an gcóras comhtháite a dhéanamh i suas le dhá thráthchuid in aghaidh na bliana.
- (47) Is féidir faireachán an-éifeachtach a dhéanamh ar idirbhearta atá ina gcuid de chóras maoinithe CERT ach grinnscrúdú a dhéanamh ar dhoiciméid tráchtála gnóthas a bhfuil íocaíochtaí á nglacadh acu nó á ndéanamh acu. Leagtar síos na forálacha maidir le grinnscrúdú ar na doiciméid tráchtála i Rialachán (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle⁽²⁾. Tríd an iniúchadh sin forlíontar na seiceálacha eile atá déanta ag na Ballstáit cheana. Ina theannta sin, nuair atá forálacha náisiúnta maidir le hiniúchadh níos fairsinge ná na cinn dá bhforáiltear sa Rialachán sin, ní dhéanfaidh an Rialachán sin difear dóibh.
- (48) Faoi Rialachán (CE) Uimh. 485/2008, ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun cosaint éifeachtach leasanna airgeadais bhuiséad an Aontais a áirithiú, agus go háirithe chun barántúlacht agus comhlíonadh oibríochtaí a mhaoinítear trí CERT a sheiceáil. Ar mhaithe le soiléire agus réasúntacht, ba cheart na forálacha ábhartha a chomhtháthú sa ghníomh céanna. Ba cheart mar sin Rialachán (CE) Uimh. 485/2008 a aisghairm.

⁽¹⁾ Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.1995, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2008 maidir le Ballstáit d'iniúchadh idirbheart ar cuid iad de chóras maoinithe an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (IO L 143, 3.6.2008, lch. 1).

- (49) Ba cheart na doiciméid a úsáidtear mar bhonn grinnscrúdaithe dá leithéid a roghnú i gcaoi is gur féidir grinnscrúdú iomlán a chur i gcrích. Ba cheart na gnóthais atá le grinnscrúdú a roghnú ar bhonn cineál na n-idirbheart arna ndéanamh faoina bhfreagracht agus ar bhonn miondealaithe ar na gnóthais a fhaigheann agus a dhéanann íocaíochtaí in aghaidh na hearnála a roghnú de réir a dtábhachta i gcóras maoinithe CERT.
- (50) Ba cheart cumhachtaí na n-oifigeach atá freagrach as grinnscrúdú a shainiú mar aon leis na hoibleagáidí atá ar ghnóthais doiciméid tráchtála a chur ar fáil d'oifigigh den sórt sin ar feadh tréimhse sonraithe, chomh maith leis an oibleagáid aon fhaisnéis a iarrann siad a sholáthar. Ba cheart go bhféadfaí doiciméid tráchtála a urghabháil i gcásanna áirithe.
- (51) Ag féachaint do struchtúr idirnáisiúnta na trádála talmhaíochta agus ar mhaithe le dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, is gá comhar a eagrú idir na Ballstáit. Is gá freisin córas láraithe doiciméadachta a bhunú ar leibhéal an Aontais maidir le gnóthais a fhaigheann agus a dhéanann íocaíochtaí atá bunaithe i dtríú tíortha.
- (52) Cé gurb iad na Ballstáit atá freagrach as a gcláir ghrinnscrúdaithe a ghlacadh, ní mór na cláir sin a chur in iúl don Choimisiún ionas gur féidir leis a ról maoirseachta agus comhordúcháin a ghlacadh chuige féin, chun a áirithiú go nglacfar na cláir ar bhonn critéar iomchuí agus chun a ráthú go mbeidh an grinnscrúdú dírithe ar earnálacha nó ar ghnóthais ina mbeidh baol mór calaoise. Tá sé fíor-riachtanach go mbeidh roinn ar leith ag gach Ballstát freagrach as grinnscrúdú doiciméad tráchtála dá bhforáiltear sa Rialachán seo nó as an ngrinnscrúdú sin a chomhordú. Ba cheart na ranna ar leith sin a eagrú gan spleáchas do na ranna a dhéanann grinnscrúdú roimh íocaíocht a fháil. Ba cheart faisnéis a bhailítear le linn an ghrinnscrúdaithe sin a chosaint le rúndacht ghairmiúil.
- (53) Le Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 ⁽¹⁾ ón gComhairle, a ionadaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, bunaíodh an prionsabal gur cheart íocaíocht iomlán tacaíochtaí áirithe le tairbhíthe faoi CBT a nascadh le comhlíonadh rialacha maidir le bainistiú talún, táirgeacht talmhaíochta agus gníomhaíocht talmhaíochta. Léiríodh an prionsabal
- sin ina dhiaidh sin i Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ⁽²⁾ ón gComhairle agus i Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ⁽³⁾.
- Faoin gcóras 'tras-chomhlíonta', ní mór do na Ballstáit pionóis a fhorchur trí thacaíocht a fuarthas faoi CBT go hiomlán nó i bpáirt a laghdú nó a eisiáimh.
- (54) Leis an gcóras tras-chomhlíonta déantar bunchaighdeáin don chomhshaoil, d'athrú aeráide, do dhea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil talún, do shláinte phoiblí, do shláinte ainmhithe, do shláinte plandaí agus leas ainmhithe a chorprú in CBT. Leis an nasc sin díreítear ar rannchuidiú le talmhaíocht inbhuanaithe a fhorbairt trí na tairbhíthe a chur ar an eolas faoin ngá atá ann na bunchaighdeáin sin a urramú. Díreítear leis freisin ar rannchuidiú le CBT a chomhoiriúnú níos mó d'ionchas an tsochaí trí fheabhaa a chur chomhsheasmhacht an bheartais sin leis na beartais maidir leis an gcomhshaoil, le sláinte phoiblí, le sláinte ainmhithe, le sláinte plandaí agus le leas ainmhithe. Is dlúthchuid de CBT é an córas tras-chomhlíonta agus ba cheart é a choimeád dá bharr. Mar sin féin, áfach, ba cheart a raon feidhme, a áirítear go dtí seo i liostaí ar leith de cheanglais reachtúla bhainistithe agus de chaighdeáin maidir le dea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil talún, a chuíchóiriú ionas go n-áiríteofar comhsheasmhacht an chórais thras-chomhlíonta agus go ndéanfar é níos sofheicthe. Chun na críche sin ba cheart na ceanglais agus na caighdeáin a eagrú i liosta aonair agus a ghrúpáil de réir limistéar agus saincheistean. I bhfianaise na taithí a fuarthas is léir nach leor an bhaint atá ag roinnt ceanglas faoi raon feidhme an tras-chomhlíonta le gníomhaíocht talmhaíochta ná le limistéar an ghabháil nó go mbaineann siad le húdarais náisiúnta seachas le tairbhíthe. Is iomchuí dá bhrí sin raon feidhme an chórais thras-chomhlíonta a choigeartú. Ina theannta sin ba cheart foráil a dhéanamh maidir le cothabháil féaraigh bhuaín in 2015 agus in 2016.
- (55) Ní foláir do na Ballstáit na ceanglais reachtúla bhainistithe a chur chun feidhme go hiomlán chun a bheith oibríochtaí ar leibhéal feirme agus chun cóir chothrom a áirithiú idir feirmeoirí mar is gá.
- (56) De réir Airteagal 22 de Threoir 2000/60/CE, aisghairfear an 23 Nollaig 2013 Treoir 80/68/CEE ⁽⁴⁾ ón gComhairle. Chun na rialachacéanna faoi thras-chomhlíonadh a

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2003 ag bunú comhrialacha do scéimeanna tacaíochta díri faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus ag bunú scéimeanna áirithe tacaíochta le haghaidh feirmeoirí agus ag leasú Rialacháin (CEE) Uimh. 2019/93, (CE) Uimh. 1452/2001, (CE) Uimh. 1453/2001, (CE) Uimh. 1454/2001, (CE) Uimh. 1868/94, (CE) Uimh. 1251/1999, (CE) Uimh. 1254/1999, (CE) Uimh. 1673/2000, (CEE) Uimh. 2358/71 agus (CE) Uimh. 2529/2001 (IO L 270, 21.10.2003, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2005 maidir le tacaíocht le haghaidh forbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (IO L 277, 21.10.2005, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear comheagrú mhargaí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha le haghaidh táirgí áirithe talmhaíochta (Rialachán maidir le CEM Aonair) (IO L 299, 16.11.2007, lch. 1).

⁽⁴⁾ Treoir 80/68/CEE ón gComhairle an 17 Nollaig 1979 maidir le screamhuise a chosaint ar thruailliú de bharr substaintí contúirteacha áirithe (IO L 20, 26.1.1980, lch. 43).

- bhaineann le cosaint screamhuisce a choimeád mar a leagtar síos iad i dTreoir 80/68/CEE ar lá deireanach a bailíochta, is iomchuí raon feidhme an tras-chomhlíonta a choigeartú agus caighdeán dea-bhaile talmhaíochta agus comhshaoil lena gcuimsítear ceanglais Airteagal 4 agus Airteagal 5 den Treoir sin a shainiú.
- (57) Tá sé intuigthe sa chóras tras-chomhlíonta go mbeidh srianta áirithe riaracháin ar na tairbhíthe agus ar lucht riaracháin náisiúnta araon ós rud é nach mór a áirithiú go gcoinneofar taifid, go ndéanfar seiceálacha agus go gcuirfear pionóis i bhfeidhm nuair is gá. Ba cheart do na pionóis sin a bheith comhréireach, éifeachtach agus athchomhairleach. Ba cheart na pionóis sin a bheith gan dochar do phionóis eile a leagtar síos faoi fhorálacha eile dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta. Ar mhaithe le comhsheasmhacht, is iomchuí forálacha ábhartha de chuid an Aontais a chumasc in aon ionstraim dlí amháin. I gcás feirmeoirí atá rannpháirteach sa scéim um fheirmeoirí beaga dá dtagraítear i dTeideal V de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, féadfar a mheas go sáraíonn na hiarrachtaí atá le déanamh faoin gcóras tras-chomhlíonta an tairbhe a bhaineann leis na feirmeoirí sin a choinneáil faoin gcóras sin. Ar mhaithe le simpliú, ba cheart na feirmeoirí sin a dhíolmhú ón tras-chomhlíonadh agus go háirithe óna chóras rialaithe agus ón riosca maidir le pionóis tras-chomhlíonta. Mar sin féin, ba cheart an díolúine sin a bheith gan dochar don oibleagáid forálacha infheidhme dlí na hearnála a urramú agus don fhéidearthacht go ndéanfaí seiceáil agus go ngearrfaí pionóis faoin dlí sin.
- (58) I Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 bunaítear creat caighdeán maidir le dea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil na talún nach mór do na Ballstáit caighdeán náisiúnta a ghlacadh dá réir ag cur san áireamh saintréithe sonracha na limistéar lena mbaineann, lena n-áirítear coinníollacha ithreach agus aeráide agus córais feirmeoireachta atá ann cheana (úsáid talún, rothlú barraí, cleachtais feirmeoireachta) agus struchtúir feirmeacha. Leis na caighdeáin sin maidir le dea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil na talún díreítear ar rannchuidiú le creimeadh ithreach a chosc, ábhar orgánach ithreach agus struchtúr ithreach a chothabháil, íosleibhéal cothabhála a áirithiú, meathlú gnáthóg a sheachaint agus uisce a chosaint agus a bhainistiú. Ba cheart go n-áireodh raon feidhme níos leithne an chórais thras-chomhlíonta mar a leagtar síos sa Rialachán seo creat ar cheart do na Ballstáit caighdeán náisiúnta maidir le dea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil a ghlacadh dá réir. Ba cheart go n-áireodh creat an Aontais rialacha chun díriú níos fearr ar shaincheisteanna uisce, ithreach, stoic carbóin, bithéagsúlachta agus tírdhreacha chomh maith le híosleibhéal cothabhála na talún.
- (59) Ba cheart go dtuigfeadh tairbhíthe go soiléir cad iad na hoibleagáidí comhlíonta atá orthu i dtaca le rialacha maidir le tras-chomhlíonadh. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit na ceanglais agus na caighdeáin go léir atá mar chuid de na rialacha sin a chur in iúl ar bhealach uileghabhálach, intuigthe agus mínitheach, lena n-áirítear, nuair is féidir, ar mhodh leictreonach.
- (60) Chun tras-chomhlíonadh a chur chun feidhme go héifeachtach ní foláir fíorú ar leibhéal na dtairbhíthe go bhfuil oibleagáidí á gcomhlíonadh. I gcás ina gcinneann Ballstát go n-úsáidfidh sé an rogha gan laghdú ná eisiamh a chur i bhfeidhm i gcás ina bhfuil an tsuim lena mbaineann níos lú ná EUR 100, ba cheart don údarás rialaithe inniúil a fhíorú, i gcás sampla tairbhíthe le linn na bliana ina dhiaidh sin, go ndearnadh neamhchomhlíonadh a leigheas.
- (61) Chun comhar comhchuí idir an Coimisiún agus na Ballstáit maidir le maoiniú chaiteachas CBT a áirithiú agus, go háirithe, chun go bhféadfaidh an Coimisiún faireachán a dhéanamh ar bhainistiú airgeadais sna Ballstáit agus cuntais na ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe a imréiteach, ní foláir do na Ballstáit faisnéis áirithe a chur in iúl don Choimisiún nó a choimeád ar fáil dó.
- (62) Chun sonraí a thiomsú atá le cur chuig an gCoimisiún, agus chun go bhféadfaidh an Coimisiún rochtain láithreach a fháil ar shonraí caiteachais i bhfoirm páipéir agus go leictreonach, ní foláir rialacha iomchuí maidir le tíolacadh agus tarchur sonraí, lena n-áirítear teorainneacha ama, a leagan síos.
- (63) Ós rud é go bhféadfaidh sonraí pearsanta nó rúin ghnó a bheith ag baint leis na córais rialaithe náisiúnta agus an imréiteach comhréireachta a chur i bhfeidhm, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún rúndacht na faisnéise a gheofaí sa chomhthéacs sin a ráthú.
- (64) Ar mhaithe le bainistiú fóna airgeadais bhuiséad an Aontais agus ar mhaithe le hionramháil neamhchlaonta ar leibhéal na mBallstát agus na dtairbhíthe, ba cheart rialacha maidir le húsáid an euro a leagan síos.
- (65) Féadfaidh ráta malartaithe an euro isteach san airgeadra náisiúnta athrú le linn na tréimhse ina gcuirtear an oibríocht i gcrích. Ba cheart, dá bhrí sin, an ráta is infheidhme maidir leis na suimeanna lena mbaineann a chinneadh agus an imeacht trína mbaintear amach cuspóir eacnamaíoch na hoibríochta a chur san áireamh. Ba cheart gurb é an ráta malartaithe a chuirfear i bhfeidhm an ráta a bheidh ann an dáta ar a dtarlóidh an imeacht seo. Ní foláir an imeacht oibríochtúil seo a shonrú nó cur i bhfeidhm na himeachta a tharscaoileadh, ag urramú critéar áirithe agus go háirithe an luas lena gcuirtear gluaiseachtaí airgeadra ar aghaidh. Leagtar síos na rialacha sin i Rialachán (CE) Uimh. 2799/98 ⁽¹⁾ ón gComhairle agus comhlánaítear leo forálacha eile comhchosúla i Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005. Ar mhaithe le soiléire agus réasúntacht, ba cheart na forálacha ábhartha a chomhtháthú sa ghníomh céanna. Ba cheart mar sin Rialachán (CE) Uimh. 2799/98 a aisghairm.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 2799/98 ón gComhairle an 15 Nollaig 1998 lena mbunaítear socrúithe agra-airgeadais le haghaidh an euro (IO L 349, 24.12.1998, lch. 1).

- (66) Ba cheart rialacha ar leith a leagan síos chun déileáil le cásanna eisceachtúla airgeadaíochta a tharlaíonn laistigh den Aontas nó ar an margadh domhanda agus a éilíonn beart láithreach chun a áirithiú go n-oibríonn na socruithe a bhunaítear faoi CBT go héifeachtach.
- (67) Ba cheart go mbeadh an rogha ag Ballstáit nár ghlac leis an euro íocaíochtaí a dhéanamh i leith caiteachais a thig as reachtaíocht CBT in euro seachas san airgeadra náisiúnta. Tá gá le rialacha sonracha chun a áirithiú nach dtiocfaidh aon bhuntáiste éagórach as an rogha seo do pháirtithe a bhfuil íocaíocht á fáil nó á déanamh acu.
- (68) Ba cheart gach beart faoi CBT a bheith faoi réir faireacháin agus meastóireachta chun a cháiliocht a fheabhsú agus chun an méid atá bainte amach tríd a thaispeáint. Sa chomhthéacs sin ba cheart don Choimisiún liosta táscairí a chinneadh agus feidhmíocht an bheartais CBT a mheas i ndáil leis na cuspóirí beartais a ghabhann le táirgeadh inmharthana bia, bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus gníomhaíocht ar son na haeráide agus forbairt chríochach chothrom. Agus measúnú á dhéanamh, go háirithe, ar fheidhmíocht CBT i ndáil le cuspóir an táirgthe inmharthana bia, ba cheart na factóirí ábhartha uile, lena n-áirítear éabhlóid na bpraghsanna ionchuir, a chur san áireamh. Ba cheart don Choimisiún creat a leagan síos chun córas coiteann meastóireachta agus faireacháin a bhunú lena n-áiritheofaí, i measc rudaí eile, go mbeadh sonraí ábhartha, lena n-áirítear faisnéis faoi na Ballstáit, ar fáil go tráthúil. Agus an méid sin á dhéanamh aige ba cheart dó na riachtanais sonraí agus na sineirgí idir foinsí ionchasacha sonraí a chur san áireamh. Ina theannta sin, sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Buiséad don Eoraip sa bhliain 2020 – Cuid II, dearbhaíodh gur cheart an caiteachas i leith aeráide i mbuiséad foriomlán an Aontais a mhéadú go 20 % ar a laghad ina mbeadh ranníocaíocht ó bheartais éagsúla. Ba cheart gurbh fhéidir leis an gCoimisiún, mar sin, tionchar thacaíocht an Aontais faoi chuimsiú chuspóirí CBT maidir le hathrú aeráide a mheas.
- (69) Beidh feidhm ag dlí an Aontais maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus saorghluaiseacht na sonraí sin, go háirithe Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ agus ag Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾.
- (70) Le breithiúnas na Cúirte Bhreithiúnais an 9 Samhain 2010, i gCásanna Uamtha C-92/09 agus 93/09⁽³⁾ *Volker und Markus Schecke GbR and Hartmut Eifert v Land Hessen*, dearbhaíodh, maidir le pointe (8b) d'Airteagal 42 agus le hAirteagal 44a de Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005, agus le Rialachán (CE) Uimh. 259/2008⁽⁴⁾ ón gCoimisiún go raibh an méid sin neamhbhailí sa mhéid is, maidir leis na daoine nádúrtha a thairbhíonn de na Cistí, go bhforchuireann na forálacha sin oibleagáid faisnéis phearsanta a bhaineann le gach tairbhí a fhoilsiú gan idirdhealú a dhéanamh bunaithe ar chritéir ábhartha amhail na tréimhsí ina bhfuair na daoine sin an chabhair sin, agus minicíocht, cineál nó méid na cabhrach sin.
- (71) I ndiaidh an bhreithiúnais sin agus toisc nár glacadh rialacha nua go fóill lena gcuirfí agóidí a dhéanann an Chúirt san áireamh, rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 259/2008 a leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 410/2011⁽⁵⁾ ón gCoimisiún chun a leagan síos go sainráite nach bhfuil feidhm maidir le daoine nádúrtha ag an oibleagáid faisnéis faoi na tairbhíthe a fhoilsiú.
- (72) I mí Mheán Fómhair 2011, d'eagraigh an Coimisiún comhairliúchán leis na geallsealbhoirí agus thug siad le chéile ionadaithe ó eagraíochtaí gairmiúla talmhaíochta nó trádála, ionadaithe ó thionscal an bhia, ionadaithe oibríthe, agus ionadaithe na sochaí sibhialta agus institiúidí an Aontais. Faoine gcreat sin, tá roghanna éagsúla féideartha curtha chun cinn maidir le foilsiú sonraí faoi dhaoine nádúrtha a thairbhíonn de chistí talmhaíochta an Aontais agus maidir le hurramú phrionsabal na comhréireachta agus an fhaisnéis i dtrácht á poiblíú. Pléadh ag comhdháil na ngeallsealbhoirí an gá a d'fhéadfadh a bheith ann ainmneacha na ndaoine nádúrtha a fhoilsiú chun freagairt don chuspóir i ndáil le cosaint níos fearr a thabhairt do leasanna airgeadais an Aontais, chun trédhearcacht a fheabhsú agus chun aird a tharraingt ar an méid atá bainte amach ag na tairbhíthe i dtaobh earraí poiblí a sholáthar fad is a áirítear nach dtéitear thar a bhfuil riachtanach chun na haidhmeanna dlisteanacha sin a bhaint amach.
- (73) Sa bhreithiúnas uaithe i gcás *Volker und Markus Schecke GbR and Hartmut Eifert v Land Hessen*, níor chuir an Chúirt in aghaidh dhlisteanach an chuspóra maidir le rialú poiblí ar úsáid an airgid ó na Cistí, a neartú. Chuir an Chúirt béim, áfach, ar an ngá atá ann modhanna foilsithe faisnéise a mheas maidir leis na tairbhíthe lena mbaineann a bheadh comhsheasmhach le cuspóir an fhoilsithe sin agus ag an am céanna, nach gcuirfí as an oiread sin do chearta na dtairbhíthe sin i ndáil lena saol príobháideach i gcoitinne agus i ndáil lena sonraí pearsanta a chosaint go háirithe.

(1) Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin (IO L 281, 23.11.1995, lch. 31).

(2) Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

(3) [2010] ECR I-11063.

(4) Rialachán (CE) Uimh. 259/2008 ón gCoimisiún an 18 Márta 2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 maidir le faisnéis a fhoilsiú faoi tairbhíthe cistí a thagann ón gCiste Eorpach Rátháíochta Talmhaíochta (CERT) agus ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Forbairt Tuaithe (CETFT) (IO L 76, 19.3.2008, lch. 28).

(5) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 410/2011 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2011 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 259/2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 maidir le faisnéis a fhoilsiú faoi tairbhíthe cistí a thagann ón gCiste Eorpach Rátháíochta Talmhaíochta (CERT) agus ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Forbairt Tuaithe (CETFT) (IO L 108, 28.4.2011, lch. 24).

- (74) Ba cheart anailís a dhéanamh ar an gcuspóir rialú poiblí a neartú i ndáil le tairbhíthe aonair i bhfianaise an chreata nua bainistithe airgeadais agus rialaithe atá le cur i bhfeidhm amháil ón 1 Eanáir 2014 agus i bhfianaise an taithí a fuarthas sna Ballstáit. Laistigh den chreat sin, ní féidir rialuithe na riarachán náisiúnta a bheith uilegh-abhálach agus, go háirithe, i gcás na scéimeanna uile, geall leis, ní féidir ach cuid theoranta den daonra a sheiceáil ar an láthair. Ina theannta sin, foráiltear sa chreat nua go bhféadfaidh na Ballstáit, faoi choinníollacha áirithe, líon na seiceálacha ar an láthair a laghdú.
- Dá dtiocfadh ardú leordhóthanach ar na híscrátaí rialaithe, chuirfí, sa chomhthéacs seo, oiread d'ualach breise airgeadais agus riaracháin ar na ranna riaracháin náisiúnta agus nach mbeadh na ranna riaracháin sin in ann déileáil leis.
- (75) Sa chomhthéacs sin, cuirtear bealach ar fáil leis an rialú poiblí ar úsáid na gCistí sin a neartú ach ainmneacha thairbhíthe na gCistí a fhoilsiú agus, dá bhrí sin, cuirtear ar bhealach úsáideach leis an gcreat bainistithe agus rialaithe atá ann cheana, ar creat é atá riachtanach chun leibhéal leordhóthanach cosanta a áirithiú do leas airgeadais an Aontais. Baintear an méid sin amach go páirteach trí éifeacht choisctheach agus dhíspreagthach an fhoilsithe sin, rud a chuirfidh thairbhíthe aonair ó iompar neamhrialta, agus ag an am céanna, trí fhreagracht phearsanta na bhfeirmeoirí a athneartú maidir le húsáid a bhaint as na cistí poiblí a fhaightear.
- (76) Sa chomhthéacs sin, ba cheart an t-aitheantas ceart a thabhairt don ról atá ag an tsocháí shibhialta, lena n-áirítear na meáin agus eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an méid a dhéanann siad le creat rialaithe na riarachán a neartú i gcoinne calaoise agus aon mhí-úsáide i ndáil leis na cistí poiblí.
- (77) Tá foilsiú na faisnéise ábhartha i gcomhréir freisin leis an gcur chuige amháil a leagtar amach i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.
- (78) Mar rogha eile, d'fhéadfaí freastal ar an gcuspóir rialú poiblí a athneartú i ndáil le tairbhíthe aonair trí fhoráil a dhéanamh oibleagáid a chur ar na Ballstáit a áirithiú go dtabharfaí rochtain phoiblí ar an bhfaisnéis ábhartha ar iarraidh, gan foilsiú. Ní bheadh an rogha sin chomh héifeachtach céanna, áfach, agus bheadh an baol ann go dtiocfadh dibhéirseachtaí gan iarraidh chun cinn sa chur chun feidhme. Ba cheart, mar sin, go mbeadh na húdaráis náisiúnta in ann brath ar an rialú poiblí i ndáil leis na tairbhíthe aonair trí fhoilsiú a n-ainmneacha agus sonraí ábhartha eile.
- (79) An cuspóir maidir le rialú poiblí ar úsáid an airgid ó na Cistí a shaothraítear trí ainmneacha na dtairbhíthe a fhoilsiú, ní féidir é a bhaint amach ach trína áirithiú go gcuirtear méid áirithe faisnéise ar na súile don phobal. Ba cheart go n-áireofaí ar an bhfaisnéis sin sonraí maidir le céannacht an tairbhí, an méid a deonaíodh air agus an ciste ónar deonaíodh é, agus cuspóir agus cineál an bhirt atá i dtrácht. Ba cheart an fhaisnéis sin a fhoilsiú ar bhealach nach gcuirfeadh isteach ró-mhór ar cheart na dtairbhíthe maidir le hurraim dá saol príobháideach go ginearálta, agus maidir lena sonraí pearsanta a chosaint go háirithe, ar cearta iad atá aitheanta in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.
- (80) Lena áirithiú go gcomhlíontar leis an Rialachán seo prionsabal na comhréireachta, scrúdaigh an reachtóir na bealaí eile uile atá ann le cuspóir an rialaithe phoiblí ar úsáid an airgid ó na Cistí. TFT, a bhaint amach, mar a anailísíodh i meabhrán a leagtar amach san larscríbhinn a ghabhann le doiciméad 6370/13 ón gComhairle iad, agus roghnaigh sé an bealach is lú a chuirfeadh as do chearta an duine lena mbaineann.
- (81) Dá bhfoilseofaí sonraí faoin mbeart faoina bhfuil an feirmeoir i dteideal cabhair nó tacaíocht a fháil, agus faoi chineál agus cuspóir na cabhrach nó na tacaíochta, thabharfaí faisnéis nithiúil don phobal i dtaobh na gníomhaíochta fóirdheontais agus an chuspóra dár deonaíodh an cabhair nó an tacaíocht. Chuideodh an méid sin freisin le héifeacht choisctheach agus dhíspreagthach an rialaithe phoiblí i ndáil leis an leas airgeadais a chosaint.
- (82) Chun cothromaíocht a áirithiú idir cuspóir saothraithe an rialaithe phoiblí ar úsáid an airgid ó na Cistí, ar láimh amháin, agus ceart na dtairbhíthe maidir le hurraim dá saol príobháideach go ginearálta agus lena sonraí pearsanta a chosaint ar an láimh eile, ba cheart tábhacht na cabhrach a chur san áireamh. Tar éis dul i mbun anailíse cuimsithí agus comhairliúcháin chuimsithigh leis na geallsealbhóirí, ba chosúil gur cheart íostairseach a bhunú maidir leis an íosmhéid cabhrach faoi nár cheart ainm an tairbhí a fhoilsiú, chun éifeachtúlacht an fhoilsithe sin a neartú agus chun srian a chur leis an méid a chuirfeadh isteach ar chearta na dtairbhíthe.
- (83) Ba cheart go mbeadh tairseach sinde-minimis agus go léireofaí léi leibhéal na scéimeanna tacaíochta a bhunaítear faoin gcreat CBT agus go mbeadh sí bunaithe ar leibhéal na scéimeanna tacaíochta sin. Toisc go mbíonn éagsúlachtaí móra idir struchtúir gheilleagair talmhaíochta na mBallstát, agus toisc go bhféadfadh siad a bheith an-éagsúil ón ngnáthstruchtúr feirme san Aontas, ba cheart a cheadú go gcuirfí i bhfeidhm íostairseacha éagsúla a léiríonn staid na mBallstát ar leith. Leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 scéim shimplí agus shonrach d'fheirmeacha beaga. Leagtar síos in Airteagal 63 den Rialachán sin na critéir maidir leis an méid cabhrach a ríomh. Ar mhaithe le comhsheasmhacht, i gcás na mBallstát a bhfuil an scéim á cur i bhfeidhm acu, ba cheart an tairseach atá le cur san áireamh a shocrú ag an leibhéal céanna ag a mbeidh na suimeanna a shocróidh na Ballstáit dá dtagraítear sa dara fómhír d'Airteagal 63(1) nó sa dara fómhír d'Airteagal 63(2) den Rialachán sin. I gcás ina gcinneann na Ballstáit gan an scéim sin a chur i bhfeidhm, ba cheart an tairseach a shocrú ag an leibhéal céanna ag a mbeidh uasmhéid an chúinimh a d'fhéadfaí a thabhairt faoin scéim, mar a fhoráiltear in Airteagal 63 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013. Faoin tairseach shonrach sin, ba cheart go bhfoilseofaí an fhaisnéis ábhartha ar fad, seachas an t-ainm, chun íomhá chruinn de CBT a thabhairt do na cáiníocóirí.

- (84) Trí rochtain a thabhairt don phobail ar an bhfaisnéis sin, i gcomhar leis an bhfaisnéis ghinearálta don phobal dá bhforáiltear sa Rialachán seo, cuirtear leis an trédhearcacht maidir le húsáid chistí an Aontais sa CBT, agus cuirtear ar an gcaoi sin le hinfheictheacht agus le tuiscint níos fearr ar an mbeartas sin. Cuireann sé ar chumas saoránach páirt níos mó a ghlacadh sa phróiseas cinnteoireachta agus ráthaíonn sé go mbíonn an riarachán níos dlísteanaí, níos éifeachtaí agus níos freagraí don saoránach. Bheadh sé ina chabhair freisin do shaoránaigh samplaí nithiúla a fheiceáil de 'earraí poiblí' bheith á soláthar ag earnáil na feirmeoireachta, agus bheadh sé ina bhunús le dlísteanacht na tacaíochta stáit d'earnáil na talmhaíochta.
- (85) Ní mór a mheas, dá bharr sin, nach dtéitear thar a bhfuil riachtanach i sochaí dhaonlathach agus chun leas airgeadais an Aontais a chosaint trí fhoráil a dhéanamh maidir le foilsíú ginearálta na faisnéise ábhartha, agus ualach sáraitheach an chuspóra atá á shaothrú, eadhon rialú poiblí ar úsáid an airgid ó na Cistí. TFT, á chur san áireamh.
- (86) Chun na ceanglais maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh, ba cheart tairbhíthe na gCistí a chur ar an eolas sula bhfoilseofar a sonraí go ndéanfar a sonraí a fhoilsíú agus go bhféadfaidh comhlachtaí iniúchta agus imscrúdúcháin an Aontais agus na mBallstát na sonraí sin a phróiseáil chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Ina theannta sin, ba cheart na tairbhíthe a chur ar an eolas faoina gcearta faoi Threoir 95/46/CE agus faoi na nósanna imeachta is infheidhme maidir leis na cearta sin a fheidhmiú.
- (87) Dá bhrí sin, tar éis mionanailís agus mionmheasúnú a dhéanamh ar an mbealach is iomchuí leis an gceart maidir le cosaint shonraí pearsanta na dtairbhíthe a urramú, a bheidh bunaithe freisin ar an bhfaisnéis a chuirfidh an Coimisiún ar fáil le linn na hidirbheartaíochta i ndáil leis an Rialachán seo, ba cheart rialacha nua maidir le foilsíú faisnéise faoi thairbhíthe uile na gCistí talmhaíochta a leagan síos sa Rialachán seo.
- (88) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú chun an Rialachán seo a chur chun feidhme ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún.
- (89) D'fhonn coinníollacha comhionanna a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir leis an méid seo a leanas: na nósanna imeachta chun an creidiúnú gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí comhordaithe a eisiúint agus a aistarraingt, agus chun maoirseacht a dhéanamh ar chreidiúnú gníomhaireachtaí íocaíochta; rialacha maidir le bunobair agus le bunseiceálacha dhearbhu bainistíochta na ngníomhaireachtaí íocaíochta, feidhmiú an chomhlachta chomhordaithe agus an comhlacht comhordaithe sin fógra a thabhairt i dtaobh faisnéise don Choimisiún; rialacha a leagan síos maidir le cúraimí na gcomhlachtaí deimhniúcháin, lena n-áirítear na seiceálacha, agus maidir leis na deimhnithe agus na tuarascálacha, mar aon leis na doiciméid a ghabhann leo, atá le tarraingt suas ag na comhlachtaí sin. Ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.
- (90) Ba cheart go gcumhdófaí freisin le cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin na prionsabail iniúchóireachta a bhfuil tuairimí na gcomhlachta deimhniúcháin bunaithe orthu, lena n-áirítear measúnú rioscaí, rialú inmheánach agus an leibhéal d'fhianaise iniúchóireachta a bhfuil gá leis, na modhanna iniúchóireachta a bheidh le húsáid ag na comhlachtaí deimhniúcháin, ag féachaint do chaighdeáin idirnáisiúnta maidir le hiniúchóireacht, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, sampla comhtháite aonair a úsáid le haghaidh gach daonra agus, i gcás inarb iomchuí an deis a bheith páirteach i seiceálacha ar an láthair de chuid na ngníomhaireachtaí íocaíochta.
- (91) Ba cheart go gcumhdófaí freisin le rialacha chun an córas comhairleach feirme a chur chun feidhme go haonfhoirmeach; an cinneadh maidir le híocaíochtaí míosúla ó CERT do na Ballstáit; socrú na méideanna a bhaineann le bearta a mhaoiniú faoin idirghabháil phoiblí; rialacha a bhaineann le maoiniú maidir le fáil an Choimisiúin ar na híomhánna satailíte atá riachtanach do na seiceálacha agus na bearta a dhéanann an Coimisiún trí mheán feidhmchláir chianbhraiteacha a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar acmhainní talmhaíochta; an nós imeachta maidir leis an gCoimisiún fáil a bheith aige ar na híomhánna satailíte sin agus an faireachán a dhéanamh ar acmhainní talmhaíochta, an creat lena rialaítear fáil, beachtú agus úsáid na n-íomhánna satailíte agus na sonraí meitéareolaíochta agus na sprioc-amanna is infheidhme.
- (92) Ba cheart go gcumhdófaí leo freisin, i gcomhthéacs an nós imeachta le haghaidh smacht airgeadais, ráta coigear-taithe na n-íocaíochtaí díreacha mar aon lena oiriúnú chomh maith leis na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir le leithreasáí arna dtabhairt anonn i gcomhréir le hAirteagal 169(3) de Rialachán Uimh. (AE) Uimh. 966/2012 chun na híocaíochtaí díreacha a mhaoiniú; i gcomhthéacs an nós imeachta maidir le smacht buiséadach, méid na n-íocaíochtaí a shocrú go sealadach agus dáileadh sealadach an bhuiséid atá ar fáil ar na Ballstáit;
- (93) Thairis sin, ba cheart go gcumhdófaí le cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin an tréimhse ama a shocrú faoina mbeidh ar na gníomhaireachtaí íocaíochta creidíu-naithe dearbhuithe idirmheánacha caiteachais a bhaineann le cláir forbartha tuaithe a bhunú agus a sheoladh chuig an gCoimisiún na híocaíochtaí míosúla nó eatramhacha chuig na Ballstáit a laghdú nó a fhionraí; sonraí maidir le cuntais faoi leith a bheith á gcoinneáil ag na gníomhaireachtaí íocaíochta; na coinníollacha sonracha a bhfuil feidhm acu maidir leis an bhfaisnéis atá le cur sna cuntais a choinníonn na gníomhaireachtaí íocaíochta; rialacha maidir le maoiniú agus cuntasáocht beart idirghabhála i bhfoirm stórála

⁽¹⁾ Regulation (EU) No 182/2011 of the European Parliament and of the Council of 16 February 2011 laying down the rules and general principles concerning mechanisms for control by Member States of the Commission's exercise of implementing powers (OJ L 55, 28.2.2011, p. 13).

poiblí, agus caiteachas eile a mhaoiníonn na Cistí. TFT; na téarmaí agus na coinníollacha a rialaíonn cur chun feidhme nós imeachta an tsaortha uathoibríoch; an nós imeachta agus na socruithe praiticiúla eile chun íocaíochtaí míosúla ón gCoimisiún chuig na Ballstáit a chur ar fionraí i gceart i gcás go gcuireann na Ballstáit isteach an fhaisnéis go déanach;

- (94) Thairis sin, ba cheart go gcumhdófaí le cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin: na nósanna imeachta a bhaineann leis na hoibleagáidí sonracha is gá do na Ballstáit a chomhlíonadh i ndáil le seiceálacha; na nósanna imeachta a bhaineann leis na hoibleagáidí comhair a bheidh le comhlíonadh ag na Ballstáit i ndáil le seiceálacha an Choimisiúin ar an láthair agus rochtain ar fhaisnéis; na nósanna imeachta agus na socruithe praiticiúla eile maidir leis an oibleagáid i ndáil le mírialtachtaí agus calaois a thuairisciú, na coinníollacha faoina gceanglaítear go gcoimeádfar doiciméid tacaíochta a bhaineann le híocaíochtaí a dhéantar agus doiciméid a bhaineann le feidhmiú na seiceálacha riaracháin agus fisiceacha a cheanglaítear le dlí an Aontais; an t-imréiteach cuntas agus an t-imréiteach comhréireachta, suimeanna arna ngearradh ar bhuiséad an Aontais a eisiamh ó mhaoiniú an Aontais, na nósanna imeachta chun íocaíochtaí neamhdhlite móide ús a aisghabháil, agus na cineálacha fógra agus cumarsáide a bheidh le déanamh ag na Ballstáit leis an gCoimisiún maidir le mírialtachtaí;
- (95) Ba cheart go gcumhdófaí le cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin: na rialacha is gá a ghlacadh d'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach oibleagáidí na mBallstát i ndáil le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, na rialacha is gá a ghlacadh d'fhonn go gcuirfead seiceálacha i bhfeidhm go haonfhoirmeach san Aontas, an cur i bhfeidhm agus an ríomh maidir le híocaíochtaí nó na teidlíochtaí íocaíochta a aistarraingt go páirteach nó go hiomlán; íocaíochtaí neamhdhlite a aisghabháil agus pionóis chomh maith le agus i ndáil freisin le teidlíochtaí íocaíochta a leithdháiltear go míchuí agus le cur i bhfeidhm úis. Ba cheart go gcumhdófaí leo freisin cur i bhfeidhm agus ríomh na bpionós riaracháin, na rialacha mionsonraithe chun neamhchomhlíonadh a shainiú mar mhion-neamhchomhlíonadh, na rialacha lena saináithnítear na cásanna ina bhféadfaidh Ballstáit na pionóis a aisghabhfar a choimeád de bharr chineál na bpionós agus maidir leis na híocaíochtaí do na Ballstáit a chur ar fionraí i gcásanna sonracha a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (96) Ar an mbealach céanna, ba cheart go gcumhdófaí le cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin; an cineál urrúis atá le taisceadh agus an nós imeachta maidir leis an urrús a thaisceadh, maidir le glacadh leis, agus maidir le hurrús nua a chur in ionad an bhunurrúis; na nósanna imeachta a bhaineann le hurrús a scaoileadh agus an fógra a thabharfaidh Ballstáit nó an Coimisiún i gcomhthéacs urrús. Ba cheart go gcumhdófaí leo freisin: rialacha atá riachtanach agus a mbeidh údar leo i gcás éigeandála chun fadhbanna sonracha a réiteach maidir le tréimhsí íocaíochta agus réamhíocaíochtaí; rialacha maidir leis na h-iarraí ar chabhair nó leis na héilimh íocaíochta, na hiarratais ar theidlíochtaí íocaíochta, lena n-áirítear an dáta deiridh chun na hiarratais a chur isteach, na ceanglais maidir leis an íosmhéid faisnéise atá le háireamh sna hiarratais, forálacha maidir le leasuithe nó maidir le hiarratais ar chabhair a aistarraingt, díolúine ón ngá le hiarratais ar chabhair a chur isteach, agus forálacha a ligeann do na Ballstáit nósanna imeachta simplithe a chur i bhfeidhm nó a ligeann dóibh earráidí follasacha a cheartú;
- (97) Ar an mbealach céanna, ba cheart go gcumhdófaí le cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin: rialacha maidir le seiceálacha a dhéanamh chun a fhíorú go gcomhlíontar oibleagáidí agus cruinneas agus sláine na faisnéise a chuirtear ar fáil san iarratas ar chabhair nó san éileamh íocaíochta, lena n-áirítear rialacha maidir le lamháiltais tomhais do na seiceálacha ar an láthair; na sonraíochtaí teicniúla is gá chun an córas comhtháite riaracháin agus rialaithe a chur chun feidhme go haonfhoirmeach; rialacha maidir le cásanna ina n-aistrítear gabháil agus ina n-aistrítear aon oibleagáid a bhaineann le hincháilitheacht i ndáil leis an gcabhair i dtrácht, ar oibleagáid í is gá a chomhlíonadh fós; agus rialacha maidir le réamhíocaíochtaí; Ba cheart go gcumhdófaí leo freisin rialacha atá dírithe ar na rialacha maidir le grinnscrúdú a dhéanamh ar dhoiciméid tráchtála a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach; na nósanna imeachta a bhaineann le bainc shonraí dhílse na mBallstát agus le banc sonraí iseatópacha anailíseacha a chuideoidh le calaois a bhrath; na nósanna imeachta a bhaineann leis an gcomhar agus leis an gcúnamh idir údarais agus comhlachtaí rialaithe, rialacha maidir leis na seiceálacha a dhéanamh ar chomhlíonadh caighdeán margaióchta, rialacha maidir leis na húdarais a bheidh freagrach as na seiceálacha a dhéanamh, agus forálacha maidir le hábhar agus le minicíocht na seiceálacha sin agus leis an gcéim mhargaíochta a mbeidh feidhm ag na seiceálacha sin maidir leo;
- (98) Ba cheart go gcumhdófaí freisin le cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin: i gcomhthéacs seiceálacha maidir le hainmníochtaí tionscnaimh agus le tásca geografacha agus le téarmaí traidisiúnta faoi chosaint, an chumarsáid a bheidh idir na Ballstáit agus an Coimisiún; rialacha ar an údarás atá freagrach as comhlíonadh na sonraíochta táirge a fhíorú, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil an limistéar geografach i dtrú tír, na gníomhaíochtaí atá le cur chun feidhme ag na Ballstáit chun cosc a chur le húsáid neamhdhleathach sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint, tásca geografach faoi chosaint agus téarmaí traidisiúnta faoi chosaint; na seiceálacha agus fíorú atá le déanamh ag na Ballstáit, lena n-áirítear tástáil;
- Ba cheart go gcumhdófaí leis freisin: rialacha maidir le seiceálacha a dhéanamh chun a fhíorú go gcomhlíontar oibleagáidí tras-chomhlíontacha; rialacha sonracha nós imeachta agus rialacha teicniúla a bhaineann le ríomh agus cur i bhfeidhm na bpionós riaracháin ag éirí as neamh-chomhlíonadh na gceanglas tras-chomhlíontacha; rialacha a bhaineann le Ballstáit a chuireann faisnéis in iúl don gCoimisiún dá dtagraítear in Airteagal 104; bearta maidir le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais a chosaint más rud é gur dóchúil go ndéanfaidh cleachtais eisceachtúla airgeadaíochta a bhaineann leis an airgeadra náisiúnta an cur i bhfeidhm sin a chur i mbaol.

- (99) Thairis sin, ba cheart go gcumhdófaí le cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin an tsraith choitinn táscairí a bheidh sonracha chun go bhféadfar faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar CBT:rialacha maidir leis an bhfaisnéis atá le cur isteach ag na Ballstáit chuig an gCoimisiún chun críche faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar CBT; rialacha maidir le foirm agus féilire a fhoilsiú faoi thairbhíthe na gCistí TFT, rialacha a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach lena gcuirfear in iúl do na tairbhíthe go bpoibleofar a sonraí, ba cheart an comhar idir an Coimisiún agus Ballstáit i gcomhthéacs phoibliú liosta tairbhíthe na gCistí.
- (100) Ba cheart an nós imeachta comhairleach a úsáid chun gníomhartha cur chun feidhme áirithe a ghlacadh. Maidir leis na gníomhartha cur chun feidhme lena mbaineann ríomh na suimeanna a dhéanann an Coimisiún, cuireann an nós imeachta comhairleach ar chumas an Choimisiúin freagracht a ghlacadh go hiomlán as bainistiú an bhuiséid agus dírionn sé ar éifeachtúlacht mhéadaithe, intuarthacht agus luas, agus na teorainneacha ama agus na nósanna imeachta buiséadacha á gcur san áireamh. Maidir le gníomhartha cur chun feidhme laistigh de chreat na n-íocaíochtaí a dhéantar leis na Ballstáit agus maidir le hoibriú an nós imeachta um imréiteach cuntas, cuireann an nós imeachta comhairleach ar chumas an Choimisiúin freagracht a ghlacadh go hiomlán as bainistiú an bhuiséid agus as cuntais bhliantúla na ngníomhaireachtaí íocaíochta náisiúnta a fhíorú d'fhonn glacadh leis na cuntais sin nó, i gcás caiteachais nár tabhaíodh i gcomhréir le rialacha an Aontais, an caiteachas sin a eisiamh ó mhaoiniú an Aontais. I gcásanna eile, ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh.
- (101) Ba cheart go dtabharfaí don Choimisiún an chumhacht chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, ar gníomhartha iad a bhaineann leis an glan-iarmhéid atá ar fáil do chaiteachas CERT a shocrú, agus le híocaíochtaí breise nó asbhaintí a dhéanamh faoi chuimsiú an nós imeachta le haghaidh íocaíochtaí míosúla gan Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a chur i bhfeidhm.
- (102) Tagann deacrachtaí praiticiúla sonracha as an trasdul ó fhorálacha na Rialachán arna n-aisghairm ag an Rialachán seo go dtí na forálacha sa Rialachán seo. Chun déileáil leis na deacrachtaí sin a d'fhéadfadh a bheith ann, ba cheart a fhoráil go nglacadh an Coimisiún na bearta is gá agus a bhfuil údar cuí leo.
- (103) De dheasca na práinne a bhaineann le cur chun feidhme rianúil na bearta a bheartaítear a ullmhú, ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (104) Ós rud é go mbeidh an tréimhse cláraithe le haghaidh clár forbartha tuaithe a mhaoiniú ar bhonn an Rialacháin seo ar siúl ón 1 Eanáir 2014, ba cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo amhail ón dáta sin. Mar sin féin, ós rud é go gcumhdaíonn an bhliain airgeadais talmhaíochta caiteachas arna íoc agus ioncam arna fháil agus arna iontráil ag na gníomhaireachtaí íocaíochta i mbuiséid na gCistí i leith bhliain airgeadais "N" dar tús an 16 Deireadh Fómhair den bhliain "N-1" agus dar críoch an 15 Deireadh Fómhair den bhliain "N", ba cheart, maidir leis na forálacha a bhaineann le

creidiúnu gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí comordúcháin agus cumhachtaí ábhartha an Choimisiúin, le bainistiú airgeadais na gCistí, amhail an uasteorainn bhuiséadach, an cúlchiste le haghaidh géarchéimeanna san earnáil talmhaíochta, an smacht buiséadach agus ioncam a shannadh, go mbeadh feidhm acu ó dháta is luaithe a chomhfhreagraíonn do thús bhliain airgeadais 2014, i.e. 16 Deireadh Fómair 2013. Ar an gcúis chéanna, maidir leis na forálacha a bhaineann leis an nós imeachta maidir le híocaíochtaí míosúla arna ndéanamh leis na Ballstáit ag an gCoimisiún, agus le comhlíonadh na dtéorainneacha íocaíochta ag na gníomhaireachtaí íocaíochta, ba cheart go mbeadh feidhm acu maidir leis an gcaiteachas arna chur i gcrích amhail ó thús bhliain airgeadais 2014, i.e. 16 Deireadh Fómair 2013.

- (105) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus ghlac sé tuairim⁽¹⁾.
- (106) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú ar bhealach leordhóthanach i bhfianaise na nasc idir é agus ionstraimí eile CBT agus na sríanta ar acmhainní airgeadais na mBallstáit in Aontas méadaithe, ach gur féidir, na cuspóirí sin a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, de bharr ráthaíocht ilbhliantúil maoinithe ón Aontas agus trí dhírú isteach ar a thosaíochtaí, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach in Airteagal 5, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

TEIDEAL I

RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Raon feidhme

Leagann an Rialachán seo na rialacha síos maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) maoiniú caiteachais faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CBT), lena n-áirítear caiteachas ar fhorbairt tuaithe;
- (b) an córas comhairleach feirme;
- (c) na córais bhainistithe agus rialaithe atá le cur ar bun ag na Ballstáit;
- (d) an córas tras-chomhlíonta;
- (e) imréiteach cuntas.

⁽¹⁾ IO C 35, 9.2.2012, lch. 1.

Airteagal 2

Téarmaí a úsáidtear sa Rialachán seo

1. Chun críche an Rialacháin seo:
 - (a) ciallaíonn "feirmeoir", feirmeoir réir bhrí Airteagal 4 de Rialachán (AE) 1307/2013;
 - (b) ciallaíonn "gníomhaíocht talmhaíochta" gníomhaíocht talmhaíochta de réir bhrí Airteagal 4 de Rialachán (AE) 1307/2013
 - (c) ciallaíonn "limistéar talmhaíochta" limistéar talmhaíochta de réir bhrí Airteagal 4 de Rialachán (AE) 1307/2013;
 - (d) ciallaíonn "gabháltas" gabháltas de réir bhrí Airteagal 4 de Rialachán (AE) 1307/2013 [ÍD], seachas mar a fhoráiltear dó in Airteagal 91(3) chun críche Teideal VI de Rialachán (AE) 1307/2013;
 - (e) ciallaíonn "íocaíochtaí díreacha" íocaíochtaí díreacha de réir bhrí Airteagal 1 de Rialachán (AE) 1307/2013;
 - (f) ciallaíonn "reachtaíocht talmhaíochta earnálach" aon ghníomh is infheidhme a ghlactar ar bhonn Airteagal 43 CFAE faoi chuimsiú CBT agus ina theannta sin, i gcás inarb infheidhme, aon ghníomhartha tarmligthe nó aon ghníomhartha cur chun feidhme a ghlactar ar bhonn na gníomhartha sin agus ar bhonn Chuid a Dó de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a mhéid atá feidhm aige maidir le CETFT;
 - (g) ciallaíonn "neamhrialtacht" neamhrialtacht de réir bhrí Airteagal 1(2) de Rialachán Uimh. 2988/95 (CE, Euratom) ón gComhairle.
2. Chun críche CBT a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air, féadfar "force majeure" agus "imthosca eisceachtúla" a aithint go háirithe i gcásanna mar a leanas:
 - (a) bás an tairbhí;
 - (b) éagumas fadtéarmach gairmiúil an tairbhí;
 - (c) tubaiste thromchúiseach nádúrtha a dhéanann dochar mór don ghabháltas;
 - (d) scrios foirgneamh beostoic ar an ngabháltas trí thimpiste;
 - (e) galar eipeasótach nó galar plandaí a dhéanann difear do chuid de stoc an tairbhí nó don stoc ar fad nó dá bharráil faoi seach;
 - (f) díshealbhú an ghabháltais go léir nó cuid mhór de más rud é nárbh fhéidir a bheith ag súil leis sin ar an lá ar taisceadh an t-iaratas.

TEIDEAL II

FORÁLACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE CISTÍ TALMHAÍOCHTA

CAIBIDIL I

Cistí Talmhaíochta

Airteagal 3

Cistí lena maoinítear caiteachas talmhaíochta

1. Chun cuspóirí CBT a shainítear i CFAE a bhaint amach, is iad na cistí a leanas a dhéanfaidh maoiniú ar na bearta éagsúla a thagann faoi, lena n-áirítear forbairt tuaithe:

- (a) an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT);
 - (b) an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT).
2. Tiocfaidh CERT agus CETFT (na "Cistí"). faoi bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 4

Caiteachas CERT

1. Déanfar CERT a chur chun feidhme trí bhainistiú comhpháirteach idir na Ballstáit agus an tAontas. Maoineoidh sé an caiteachas a leanas, a dhéanfar i gcomhréir le dlí an Aontais:

- (a) bearta lena rialaítear nó lena dtugtar tacaíocht do mhargaí talmhaíochta;
- (b) íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi CBT;
- (c) ranníocaíocht an Aontais le bearta faisnéise agus cur chun cinn maidir le táirgí talmhaíochta ar mhargadh inmheánach an Aontais agus i dtríú tíortha, arna gcur i gcrích ag Ballstáit ar bhonn clár seachas na cinn dá dtagraítear in Airteagal 5 agus arna roghnú ag an gCoimisiún;
- (d) ranníocaíocht airgeadais an Aontais le Scéim Torthaí agus Glasraí do Scoileanna dá dtagraítear in Airteagal 23 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 an Aontais agus leis na bearta maidir le galair ainmhithe agus laghdú ar mhuinín na dtomhaltóirí dá dtagraítear in Airteagal 155 den Rialachán sin.

2. Maoineofar le CERT an caiteachas a leanas ar bhealach díreach agus i gcomhréir le dlí an Aontais:

- (a) cur chun cinn táirgí talmhaíochta, a dhéanann an Coimisiún go díreach nó a dhéantar trí eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (b) bearta, a dhéantar i gcomhréir le dlí an Aontais, chun caomhnú, tréithriú, bailiú agus úsáid acmhainní géiniteacha sa talmhaíocht a áirithiú;

- (c) bunú agus cothabháil córas faisnéise cuntasáíochta talmhaíochta;
- (d) córais suirbhéanna talmhaíochta, lena n-áirítear suirbhéanna ar struchtúr gabháltas talmhaíochta.

Airteagal 5

Caiteachas CETFT

Déanfar CETFT a chur chun feidhme trí bhainistiú comhpháirteach idir na Ballstáit agus an tAontas. Maíneofar leis ranníocaíocht airgeadais an Aontais le cláir forbartha tuaithe a chuirtear chun feidhme i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le tacaíocht d'fhorbairt na tuaithe.

Airteagal 6

Caiteachas eile, lena n-áirítear cúnamh teicniúil

Féadfaidh na Cistí, a mhéid is go bhfuil baint acu leis, an tacaíocht ullmhúcháin, faireacháin, riaracháin agus theicniúil a mhaoiniú ar bhealach díreach, ar thionscnamh an Choimisiúin agus/nó thar a cheann, chomh maith le gníomhachtaí meastóireachta, iniúchóireachta agus cigireachta a bhfuil gá leo chun CBT a chur chun feidhme. Áireofar an méid a leanas go háirithe sna bearta sin:

- (a) bearta a bhfuil gá leo chun anailís, bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar CBT, chun faisnéis ina thaobh a mhalartú agus chun CBT a chur chun feidhme, chomh maith le bearta a bhaineann le cur chun feidhme córas rialaithe agus cúnamh teicniúil agus riaracháin;
- (b) fáil na n-íomhánna satailíte ag an gCoimisiún, ar íomhánna satailíte iad a bhfuil gá leo do na seiceálacha i gcomhréir le hAirteagal 21;
- (c) na bearta a dhéanann an Coimisiún trí mheán feidhmchláir chianbhraiteacha a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar acmhainní talmhaíochta i gcomhréir le hAirteagal 22;
- (d) bearta a bhfuil gá leo chun modhanna agus bealaí teicniúla a fhorbairt agus a chothabháil ar mhaithe le faisnéis i leith bhainistiú airgeadais na gcistí a úsáidtear chun CBT a mhaoiniú, ar mhaithe le hidirnascaidh an bhainistithe sin, faireachán air agus rialú an bhainistithe;
- (e) soláthar faisnéise maidir le CBT i gcomhréir le hAirteagal 45;
- (f) staidéir ar CBT agus meastóireacht ar bhearta a mhaoíonn na Cistí. TFT, lena n-áirítear feabhas a chur ar mhodhanna meastóireachta agus ar mhalartú faisnéise faoi chleachtais ábhartha faoi CBT;
- (g) nuair is iomchuí, gníomhachtaí feidhmiúcháin arna gcur ar bun i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 58/2003⁽¹⁾ ón gComhairle, a ghníomhaíonn i ndáil le CBT;
- (h) bearta a bhaineann le scaipeadh faisnéise, ardú feasachta, cur chun cinn comhair agus malartú taithí ar leibhéal an

Aontais, a dhéantar i gcomhthéacs na forbartha tuaithe, lena n-áirítear gréasán a chruthú lena nasctar na páirtithe lena mbaíneann;

- (i) bearta a bhfuil gá leo chun lógónna a fhorbairt, a chlárú agus a chosaint faoi chuimsiú bheartais cháilíochta an Aontais agus chun cearta maíne intleachtúla a bhfuil baint acu leis na bearta sin a chosaint, chomh maith leis na forbairt is gá i dteicneolaíocht na faisnéise (TF).

CAIBIDIL II

Gníomhachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile

Airteagal 7

Creidiúnú agus aistarraingt creidiúnaithe de chuid gníomhachtaí íocaíochta agus comhlachtaí comhordaithe

1. Ranna nó comhlachtaí de chuid na mBallstát atá freagrach as bainistiú agus rialú an chaiteachais dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus Airteagal 5 a bheidh i ngníomhachtaí íocaíochta.

Cé is moite d'íocaíocht, féadfar cur i gcrích na gcúraimí sin a tharmligean.

2. Déanfaidh na Ballstáit na ranna nó na comhlachtaí sin a bhfuil eagrúchán riaracháin agus córas rialaithe inmheánaigh acu lena soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha go bhfuil íocaíochtaí dleathacha agus ceart agus go dtugtar cúiseanna cearta ina leith a chreidiúnú mar ghníomhachtaí íocaíochta. Chun na críche sin, cloífidh gníomhachtaí íocaíochta leis na coinníollacha íosta le haghaidh an chreidiúnaithe maidir leis an timpeallacht inmheánach, gníomhachtaí rialaithe, faisnéis agus cumarsáid, agus faireachán a leagann an Coimisiún síos de bhun phointe (a) d'Airteagal 8(1).

Ag cur san áireamh a chuid forálacha bunreachtúla, déanfaidh gach Ballstát líon a ghníomhachtaí íocaíochta creidiúnaithe a theorannú do líon nach mó ná ceann amháin ar an leibhéal náisiúnta nó, do cheann amháin in aghaidh an réigiúin, más infheidhme. I gcás, áfach, ina mbunófar gníomhachtaí íocaíochta ar an leibhéal réigiúnach, déanfaidh Ballstáit gníomhachtaí íocaíochta a chreidiúnú freisin ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh scéimeanna cabhrach nach mór, de bharr chineál na scéimeanna, iad a bhainistiú ar an leibhéal náisiúnta nó bainistiú na scéimeanna sin a chur de chúram ar a ngníomhachtaí íocaíochtaí réigiúnacha.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh na Ballstáit líon na ngníomhachtaí íocaíochta a creidiúnaíodh sular tháinig 20 Nollaig 2013 i bhfeidhm a choimeád ar bun.

Roimh dheireadh 2016, tiolacfaidh an Coimisiún tuarascáil chuig chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le hoibriú chóras na ngníomhachtaí íocaíochta san Aontas, i gceangal, i gcás inarb iomchuí, le tograí reachtacha.

3. Faoin 15 Feabhra den bhliain tar éis na bliana airgeadais lena mbaíneann, déanfaidh an duine atá i gceannas na ngníomhachtaí íocaíochta creidiúnaithe an méid a leanas a tharraingt suas:

- (a) na cuntais bhliantúla i leith an chaiteachais a rinneadh i gcur i gcrích na dtascanna a tugadh dá ngníomhachtaí íocaíochta creidiúnaithe, mar aon leis an bhfaisnéis is gá dá imríteach i gcomhréir le hAirteagal 51;

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do Gníomhachtaí Feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

- (b) dearbhú bainistithe maidir le hiomláine, cruinneas agus firinneacht na gcuntas agus dea-fheidhmiú na gcórais rialaithe inmheánach, bunaithe ar chritéir oibiachtúla, chomh maith le dlíthiúlacht agus rialtacht na mbun-idirbheart;
- (c) achoimre bhliantúil ar na tuarascálacha iniúchána deiridh agus na rialuithe a rinneadh, lena n-áirítear anailís ar chineál agus ar mhéid na n-earráidí agus na laigí sna córais a sainathnóidh, chomh maith leis na bearta ceartaítheacha a bheidh le déanamh nó a bheartaítear.

Féadfaidh an Coimisiún spriocdháta an 15 Feabhra a shíneadh, ar bhonn eisceachtúil, chuig dáta nach déanaí ná an 1 Márta, arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann.

4. I gcás ina bhfuil níos mó ná gníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe amháin ann, ainmneoidh an Ballstát comhlacht poiblí (an "comhlacht comhordaithe"), a sanntar sé na cúraimí seo a leanas dó:

- (a) an fhaisnéis atá le cur ar fáil don Choimisiún a bhailiú agus an fhaisnéis sin a sheoladh chuig an gCoimisiún;
- (b) gníomhaíochtaí a ghlacadh nó a chomhordú, de réir mar a tharlaíonn sé, d'fhonn aon easnaimh de chineál coiteann a réiteach agus an Coimisiún a choimeád ar an eolas maidir le gníomhaíochtaí leantacha;
- (c) cur i bhfeidhm comhchuibhithe rialacha an Aontais a chur chun cinn, agus i gcás inar féidir, a áirithiú.

Maidir le próiseáil na faisnéise airgeadais dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír, beidh an comhlacht comhordaithe faoi réir chreidiúnú sonracha na Ballstát.

5. I gcás nach gcomhlíonann gníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe ceann amháin nó níos mó de na critéir chreidiúnaithe dá dtagraítear i mír 2, nó nach gcomhlíonann sí na critéir sin a thuilleadh, aistarraingeoidh an Ballstát, ag gníomhú dó ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ón gCoimisiún, a creidiúnú mura ndéanann an ghníomhaireacht íocaíochta na hathruithe is gá laistigh de thréimhse a bheidh le cinneadh de réir thromchúis na faidhbe.

6. Déanfaidh na gníomhaireachtaí íocaíochta rialú na noibríochtaí a bhfuil baint acu le hidirghabháil phoiblí, ar oibríochtaí iad a bhfuil siad freagrach astu, a bhainistiú agus a áirithiú agus coinneoidh siad freagracht fhoriomlán sa réimse sin.

Airteagal 8

Cumhachtaí an Choimisiúin

1. Chun feidhmiú fóna an chórais dá bhforáiltear in Airteagal 7 a áirithiú, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 111 maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) na coinníollacha íosta le haghaidh gníomhaireachtaí íocaíochta agus le haghaidh comhlachtaí comhordaithe a chreidiúnú dá dtagraítear in Airteagal 7(2) agus in Airteagal 7(4) faoi seach;

- (b) oibleagáidí na ngníomhaireachtaí íocaíochta maidir le hidirghabháil phoiblí, chomh maith leis na rialacha maidir lena bhfuil ina bhfreagrachtaí bainistithe agus rialaithe.

2. Déanfaidh an Coimisiún, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) na nósanna imeachta chun an creidiúnú gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí comhordaithe a eisiúint agus a aistarraingt, chomh maith leis na nósanna imeachta chun maoirseacht a dhéanamh ar chreidiúnú gníomhaireachtaí íocaíochta;
- (b) an obair agus le bunseiceálacha dhearbhu bainistithe na ngníomhaireachtaí íocaíochta;
- (c) feidhmiú an chomhlachta comhordaithe agus fógra i dtaobh faisnéise a thabhairt don Choimisiún dá dtagraítear in Airteagal 7(4).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

Airteagal 9

Comhlachtaí deimhniúcháin

1. Is é a bheidh sa chomhlacht deimhniúcháin comhlacht iniúchóireachta poiblí nó príobháideach a ainmneoidh an Ballstát. I gcás inarb é comhlacht iniúchóireachta príobháideach atá i gceist, agus i gcás ina n-éilítear sin faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta is infheidhme, is é an Ballstát a roghnóidh é faoi nós imeachta tairisceana poiblí. Tabharfaidh sé tuairim, i gcomhréir le caighdeán iniúchóireachta a ngactar leo ar bhonn idirnáisiúnta, maidir le hiomláine, cruinneas agus firinneacht chuntais bhliantúla na gníomhaireachta íocaíochta, dea-fheidhmiú a córais rialaithe inmheánaigh agus dlíthiúlacht agus cirte an chaiteachais ar iarradh aisíocaíocht ina leith ón gCoimisiún. Léireofar sa tuairim sin freisin cibe an chruthófar amhras faoi na nithe a fhógrófar sa dearbhú bainistithe mar thoradh ar an scrúdú.

Beidh an saineolas teicniúil riachtanach ag an gcomhlacht deimhniúcháin. Beidh sé neamhspleách go hoibríochtúil ar an ngníomhaireacht íocaíochta agus ar an gcomhlacht comhordaithe lena mbaineann araon agus ar an údarás a chreidiúnaigh an ghníomhaireacht.

2. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir le cúraimí na gcomhlachtaí deimhniúcháin, lena n-áirítear na seiceálacha, agus maidir leis na deimhnithe agus na tuarascálacha, mar aon leis na doiciméid a ghabhann leo, atá le tarraingt suas ag na comhlachtaí sin. I bhfianaise an gá atá leis an uasmhéid éifeachtúlachtaile tástáil idirbheart agus le breithniúchán gairmiúil iniúchóireachta maidir le cur chuige comhtháite, á chur san áireamh, leagfar an méid seo a leanas síos leis na gníomhartha cur chun feidhme freisin:

- (a) na prionsabail iniúchóireachta a bhfuil tuairimí na gcomhlachtaí deimhniúcháin bunaithe orthu, lena n-áirítear measúnú rioscaí, seiceálacha inmheánacha agus an leibhéal d'fhianaise iniúchóireachta a bhfuil gá leis;

(b) na modhanna iniúchóireachta a bheidh le húsáid, ag féachaint do chaighdeáin idirnáisiúnta maidir le hiniúchóireacht, ag na comhlachtaí deimhniúcháin lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, sampla comhtháite aonair a úsáid le haghaidh gach daonra agus, i gcás inarb iomchuí an deis a bheith páirteach i seiceálacha ar an láthair de chuid na gníomhaireachtaí íocaíochta.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

Airteagal 10

Inghlacthacht íocaíochtaí a dhéanann na gníomhaireachtaí íocaíochta

Ní fhéadfaidh maoiniú ón Aontas an caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus Airteagal 5 a chumhdach ach amháin más rud é go ndearna gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe an caiteachas sin.

Airteagal 11

Íocaíocht iomlán le tairbhíthe

Mura bhforáiltear a mhálairt go sainráite i ndlí an Aontais, déanfar íocaíochtaí a bhaineann leis an maoiniú dá bhforáiltear sa Rialachán seo a íoc ina n-iomláine leis na tairbhíthe.

TEIDEAL III

CÓRAS COMHAIRLEACH FEIRME

Airteagal 12

Prionsabal agus raon feidhme

1. Bunóidh na Ballstáit córas chun comhairle a thabhairt do thairbhíthe i dtaobh bainistiú talún agus bainistiú feirme (an 'córas comhairleach feirme'). Déanfar an córas comhairleach feirme a oibriú ag comhlachtaí poiblí ainmnithe agus/nó comhlachtaí príobháideacha roghnaithe.

2. Cumhdóidh an córas comhairleach feirme an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) oibleagáidí ar leibhéal na feirme atá mar thoradh ar na ceanglais reachtúla do bhainistiú agus na caighdeáin maidir le dea-bhail talmhaíochta agus chomhshaoil talún mar atá siad leagtha síos i gCaibidil I de Theideal VI;

(b) na cleachtais talmhaíochta atá chun tairbhe na haeráide agus an chomhshaoil mar atá siad leagtha síos i gCaibidil 3 de Theideal III de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 agus cothabháil an limistéir talmhaíochta mar a thagraítear dó i bpointe (c) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013;

(c) bearta ar leibhéal na feirme dá bhforáiltear i gclár forbartha tuaithe lena ndírítear ar fheirmeacha a nuachóiriú, ar iomaíochas a fhorbairt, ar chomhtháthú earnálach, ar nuálaíocht, ar treoshuíomh ó thaobh an mhargaidh agus ar chur chun cinn na fiontraíochta;

(d) ceanglais ar leibhéal thairbhíthe mar a shainmhínítear iad ag Ballstáit le haghaidh chur chun feidhme Airteagal 11(3) de Threoir 2000/60/CE;

(e) ceanglais ar thairbhíthe mar a shainmhínítear iad ag Ballstáit le haghaidh chur chun feidhme Airteagal 55 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, go háirithe an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 14 de Threoir 2009/128/CE.

3. Féadfaidh an córas comhairleach feirme an méid seo a leanas, go háirithe, a chumhdach freisin:

(a) athchóirithe feirmeacha a chur chun cinn agus a gcuid gníomhaíochta eacnamaíche a éagsúlú;

(b) bainistiú rioscaí agus gníomhaíochtaí coiscitheacha iomchuí a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar thubaistí nádúrtha, ar theagmhais thromchúiseacha agus ar ghalair ainmhithe agus phlandaí;

(c) na híoscheanglais arna mbunú leis an dlí náisiúnta, faoi mar a thagraítear dóibh in Airteagal 28(3) agus in Airteagal 29(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013;

(d) an fhaisnéis a bhaineann le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, bithéagsúlacht agus cosaint uisce mar a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 13

Ceanglais shonracha a bhaineann leis an gcóras comhairleach feirme

1. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh na cáilíochtaí cuí ag comhairleoirí a oibríonn sa chóras comhairleach feirme agus go gcuirfear oiliúint orthu go rialta.

2. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh deighilt ann idir comhairle agus seiceálacha. I ndáil leis sin agus gan dochar do reachtaíocht náisiúnta maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid, áiríteoidh na Ballstáit nach nochtfaidh na comhlachtaí roghnaithe agus ainmnithe dá dtagraítear in Airteagal 12(1) faisnéis phearsanta nó sonraí faoi dhuine aonair agus sonraí pearsanta nó sonraí faoi dhuine aonair a fhaigheann siad le linn a ngníomhaíochta comhairlí do dhaoine seachas an tairbhí a bhainistíonn an gabháltas lena mbaineann, cé is moite d'aon neamhrialtacht nó sárú a aimsíodh le linn a ngníomhaíochta, ar neamhrialtacht í nó ar sárú é atá cumhdaithe ag oibleagáid a leagtar síos i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta maidir le húdaráis poiblí a chur ar an eolas, go háirithe i gcás cionta coiriúla.

3. Déanfaidh an t-údarás náisiúnta lena mbaineann, trí mhodhanna leictreonacha go háirithe, liosta cuí na gcomhlachtaí roghnaithe agus ainmnithe dá dtagraítear in Airteagal 12 (1) a chur ar fáil don tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ann.

Airteagal 14

Rochtain ar an gcóras comhairleach feirme

Féadfaidh tairbhíthe agus feirmeoirí nach bhfaigheann tacaíocht faoi CBT úsáid a bhaint as an gcóras comhairleach feirme ar bhonn deonach.

Gan dochar don cheathrú fómhír d'Airteagal 99(2), féadfaidh Ballstáit, áfach, a chinneadh, i gcomhréir le critéir oibiachtúla, catagóirí na dtairbhíthe a mbeidh rochtain tosaíochta acu ar an gcóras comhairleach feirme, lena n-áirítear líonraí a fheidhmeoidh le hacmhainní teoranta de réir bhrí Airteagal 53, 55 agus 56 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.

I gcásanna den sórt sin, áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar tosaíocht do na feirmeoirí sin a bhfuil an rochtain is teoranta acu ar sheirbhís comhairleach seachas an córas comhairleach feirme.

Áiritheoidh an córas comhairleach feirme go mbeidh rochtain ag tairbhíthe ar chomhairle atá oiriúnach do staid shonrach a ngabháltais.

Airteagal 15

Cumhachtaí an Choimisiúin

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm comhionann an chórais chomhairligh feirme d'fhonn an córas sin a dhéanamh lánoibríochtúil.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

TEIDEAL IV

BAINISTIÚ AIRGEADAIS NA gCISTÍ

CAIBIDIL I

CERT

Roinn 1

Caiteachas a Mhaoiniú

Airteagal 16

Uasteorainn buiséid

1. Is iad na huasmhéideanna atá socrúithe ina leith faoi Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 a bheidh san uasteorainn bhliantúil do chaiteachas CERT.

2. I gcás ina ndéantar foráil i ndlí an Aontais maidir le cur leis na suimeanna dá dtagraítear i mír 1 nó maidir le hiad a laghdú, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme, gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 116 a chur i bhfeidhm, lena socrófar an t-iarmhéid glan atá ar fáil do chaiteachas CERT ar bhonn na sonraí dá dtagraítear i ndlí an Aontais.

Airteagal 17

Íocaíochtaí míosúla

1. Cuirfidh an Coimisiún na leithreasaí is gá chun an caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 4(1) a mhaoiniú ar fáil do na Ballstáit i bhfoirm íocaíochtaí míosúla, ar bhonn an chaiteachais arna dhéanamh ag na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe i rith tréimhse tagartha.

2. Go dtí go n-aistreoidh an Coimisiún na híocaíochtaí míosúla, is iad na Ballstáit a bhainfidh úsáid as na hacmhainní is gá chun caiteachas a dhéanamh de réir riachtanais a ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe.

Airteagal 18

Nós imeachta le haghaidh íocaíochtaí míosúla

1. Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 51 agus Airteagal 52, déanfaidh an Coimisiún íocaíochtaí míosúla, gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 53 agus Airteagal 54, do chaiteachas a dhéanann na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe i rith na míosa tagartha.

2. Déanfar íocaíochtaí míosúla le gach Ballstát ar a dhéanaí an tríú lá oibre den dara mí tar éis na míosa ina ndéantar an caiteachas. Measfar gur i mí Dheireadh Fómhair a rinneadh caiteachas a dhéanann Ballstáit idir an 1 agus an 15 Deireadh Fómhair. Measfar gur i mí na Samhna a rinneadh caiteachas a dhéanann Ballstáit idir an 16 agus an 31 Deireadh Fómhair.

3. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcinntear na híocaíochtaí míosúla a dhéanann sé, ar bhonn dearbhaithe caiteachais ó na Ballstáit agus ar bhonn na faisnéise arna soláthar i gcomhréir le hAirteagal 102(1), agus laghdúithe nó fionraíochtaí arna gcur i bhfeidhm faoi Airteagal 41 nó aon cheartúcháin eile á gcur san áireamh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(2).

4. Trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme a ghlacfar gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 116 a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh íocaíochtaí breise nó asbhaintí a dhéanamh. Sna cásanna sin, cuirfear an coiste dá dtagraítear in Airteagal 116(1) ar an eolas ag a chéad chruinniú eile.

Airteagal 19

Costais riaracháin agus phearsanra

Ní íocfaidh an Ciste as caiteachas a bhaineann le costais riaracháin agus phearsanra arna ndéanamh ag Ballstáit agus ag tairbhíthe na cabhrach ó CERT.

Airteagal 20

Caiteachas idirghabhála poiblí

1. I gcás, i gcomhthéacs chomheagrú na margaí, nach bhfuil suim in aghaidh an aonaid cinntithe maidir le hidirghabháil phoiblí, maoineoidh CERT an beart lena mbaineann ar bhonn méideanna caighdeánacha arb ionann iad ar fud an Aontais, go háirithe i leith cistí ó na Ballstáit a úsáidtear chun táirgí a cheannach isteach, le haghaidh oibríochtaí ábhair a eascraíonn as stóráil agus, i gcás inarb iomchuí, chun táirgí idirghabhála a phróiseáil.

2. Chun a áirithiú go maoineoidh CERT an caiteachas idirghabhála poiblí, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an cineál beart atá incháilithe do mhaoiniú ón Aontas agus na coinníollacha aisíocaíochta;

(b) na coinníollacha incháilitheachta agus na modhanna ríomha ar bhonn na faisnéise arna taifeadadh iarbhír ag na gníomhaireachtaí íocaíochta nó ar bhonn rátaí comhréidh arna gcinneadh ag an gCoimisiún, nó ar bhonn méideanna seasta nó méideanna nach bhfuil seasta agus a bhfuil foráil déanta maidir leo i reachtaíocht talmhaíochta earnálach.

3. Chun bainistiú ceart na leithreasá a iontráiltear i mbuiséad an Aontais do CERT a áirithiú, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115, lena leagtar síos na rialacha a bhaineann le hoibríochtaí idirghabhála poiblí á luacháil, na bearta atá le déanamh i gcás ina gcaillfear táirgí nó ina dtiocfaidh meath orthu faoin idirghabháil phoiblí agus na méideanna atá le maoiniú a chinneadh.

4. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena socrófar na méideanna dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(2).

Airteagal 21

Íomhánna satailíte a fháil

Aontóidh an Coimisiún agus na Ballstáit liosta na n-íomhánna satailíte a bhfuil gá leo do sheiceálacha i gcomhréir leis an tsonraíocht a ullmhóidh gach Ballstát.

Déanfaidh an Coimisiún na híomhánna satailíte sin a sholáthar saor in aisce do na comhlachtaí rialaithe nó do sholáthraithe seirbhísí a bhfuil údarú faighte acu ó na comhlachtaí sin chun ionadaíocht a dhéanamh thar a gceann.

Beidh úinéireacht na n-íomhánna satailíte fós ag an gCoimisiún agus gheobhaidh sé ar ais iad nuair a bheidh an obair críochnaithe. Féadfaidh sé a cheangal freisin go ndéanfar obair chun feabhas a chur ar theicnící agus ar mhodhanna oibre maidir le cigireacht chianbhraiteach a dhéanamh ar limistéir talmhaíochta.

Airteagal 22

Faireachán ar acmhainní talmhaíochta

Beidh mar aidhm leis na bearta arna maoiniú de bhun phointe (c) d'Airteagal 6 cur ar chumas an Choimisiúin na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- bainistiúocht a dhéanamh ar mhargaí talmhaíochta an Aontais i gcomhthéacs domhanda;
- faireachán agranamaíoch agus agra-chomhshaoil ar thailte talmhaíochta, lena n-áirítear agra-ghraoiseacht, chomh maith le faireachán a dhéanamh ar an mbail atá ar na barra a áirithiú d'fhonn meastacháin a dhéanamh, go háirithe a fhad a bhaineann le táirgeacht agus táirgeadh talmhaíochta;
- rochtain ar na meastacháin sin a roinnt i gcomhthéacs idirnáisiúnta, amhail na tionscnaimh sin arna gcomhordú ag eagraíochtaí na Náisiún Aontaithe nó ag gníomhaireachtaí idirnáisiúnta eile;
- rannchuidiú le trédhearcacht margáí domhanda; agus

- faireachán teicneolaíochta ar an gcóras agraimeitéareolaíoch a áirithiú.

Baineann na bearta arna maoiniú de bhun phointe (c) d'Airteagal 6 le bailiú nó ceannach sonraí is gá chun CBT a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh air, lena n-áirítear sonraí satailíte agus sonraí meitéareolaíochta, cruthú infrastructúir sonraí spásúla agus suímh ghréasáin, staidéir shonracha a bhaineann le dálaí aeráide a dhéanamh, teicnící cianbhraiteachta a úsáidtear chun cabhrú i ndáil le faireachán a dhéanamh ar shláinte ithreach agus samhlacha agraimeitéareolaíochta agus eacnaiméadracha a thabhairt cothrom le dáta. I gcás inarb iomchuí, déanfar na bearta sin i gcomhar le saotharlanna agus comhlachtaí náisiúnta.

Airteagal 23

Cumhachtaí cur chun feidhme

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos:

- rialacha maidir leis an maoiniú de bhun phointe (b) agus phointe (c) d'Airteagal 6;
- an nós imeachta faoina ndéanfar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 21 agus Airteagal 22 chun na cuspóirí arna sannadh a bhaint amach;
- an creat lena rialaítear fáil, beachtú agus úsáid na n-íomhánna satailíte agus na sonraí meitéareolaíochta, agus maidir leis na sprioc-amanna is infheidhme.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

Roinn 2

Smacht buiséadach

Airteagal 24

Comhlíonadh na huasteorann

1. Le linn an nós imeachta bhuiséadaigh agus fad atá an buiséad á chur chun feidhme, ní sháirídh leithreasá a bhaineann le caiteachas CERT an méid dá dtagraítear in Airteagal 16.

Gach ionstraim reachtach a bheartóidh an Coimisiún agus a ghlacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, an Chomhairle nó an Coimisiún, ar ionstraim í a mbeidh tionchar aici ar bhuiséad CERT, comhlíonfaidh sí an méid dá dtagraítear in Airteagal 16.

2. I gcás ina ndéantar foráil i ndlí an Aontais maidir le huasteorainn airgeadais in euro do chaiteachas talmhaíochta i ndáil le Ballstát, aisíofar an caiteachas sin faoi réir na teorann sin arna socrú in euro, agus, i gcás ina bhfuil Airteagal 41 infheidhme, déanfar aon choigeartú is gá.

3. Measfar gur uasteorainneacha in euro iad uasteorainneacha náisiúnta d'íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, arna gcoigeartú i gcomhréir le hAirteagal 26 den Rialachán seo.

*Airteagal 25***Cúlchiste do ghéarchéimeanna san earnáil talmhaíochta**

Bunófar cúlchiste chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil don roinn talmhaíochta sin i gcás géarchéimeanna tromchúiseacha a dhéanfaidh difear don táirgeacht talmhaíochta nó don dáileadh talmhaíochta ("an cúlchiste le haghaidh géarchéimeanna sa roinn talmhaíochta") trí laghdú a chur i bhfeidhm ag tús gach bliana ar fócaíochtaí díreacha leis an sásra smachta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 26.

EUR 2 800 milliún a bheidh i méid iomlán an chúlchiste agus tráthchodanna bliantúla combionanna de EUR 400 milliún (ag praghsanna 2011) don tréimhse 2014-2020 agus aireofar é faoi Cheanntheideal 2 den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013.

*Airteagal 26***Smacht airgeadais**

1. D'fhonn a áirithiú go gcomhlíontar na huasteorainneacha bliantúla a leagtar amach i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 do mhaoiniú an chaiteachais a bhaineann leis an margadh agus do mhaoiniú fócaíochtaí díreacha, déanfar ráta coigeartaithe d'fócaíochtaí díreacha ("an ráta coigeartaithe") a chinneadh i gcás ina léiríonn na réamhaisnéisí do mhaoiniú na mbeart a mhaoinítear faoin bhfo-uasteorainn sin do bhliain áirithe airgeadais go sárófar na huasteorainneacha bliantúla is infheidhme.

2. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná an 31 Márta sa bhliain féilire a bhfuil feidhm ag an gcoigeartú dá dtagraítear i mír 1 ina leith, togra maidir leis an ráta coigeartaithe a thíolacadh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

3. Más rud é nach bhfuil an ráta coigeartaithe socraithe ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle, faoin 30 Meitheamh in aon bhliain, déanfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena socraítear an ráta coigeartaithe agus cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi láithreach. Glacfar gníomharthacur chun feidhme den sórt sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(2).

4. Go dtí an 1 Nollaig, féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn faisnéise nua a bheidh faighte aige, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena ndéanfar an ráta coigeartaithe arna shocrú i gcomhréir le mír 2 nó le mír 3 a oiriúnú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(2).

5. De mhaolú ar an gceathrú fómhír d'Airteagal 169(3) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, aisíocfaidh na Ballstáit na leithreasáil a thabharfar anonn i gcomhréir le hAirteagal 169(3) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 leis na faighteoirí deiridh a bheidh faoi réir an choigeartaithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, sa bhliain airgeadais a dtabharfar na leithreasáil anonn chuige.

Ní bheidh feidhm ag an aisíocaíocht dá dtagraítear sa chéad fhómhír ach amháin maidir le tairbhíthe deiridh sna Ballstáit ina mbeidh feidhm ag smacht airgeadais sa bhliain airgeadais roimhe sin.

6. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena leagfar síos na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir le leithreasáil arna dtabhairt anonn i gcomhréir le hAirteagal 169(3) de Rialachán Uimhir (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 chun an caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(b) den Rialachán seo a mhaoiniú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(2).

7. Nuair a chuirfead an tAirteagal seo i bhfeidhm, áireofar sa chinneadh a dhéanfar maidir leis an ráta coigeartaithe an méid don chúlchiste le haghaidh géarchéimeanna san earnáil talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 25. Aon mhéid nach cuirfead ar fáil le haghaidh beart géarchéimeanna faoi dheireadh na bliana airgeadais, déanfar é a eisíoc i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo.

*Airteagal 27***Nós imeachta maidir le smacht buiséadach**

1. An tráth céanna a chuirfidh sé an dréachtbhuiséad don bhliain airgeadais N faoi bhráid Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle, cuirfidh an Coimisiún a réamhaisnéisí do na blianta airgeadais N - 1, N agus N + 1 i láthair dóibh.

2. Más rud é, nuair a tharraingíonn sé suas an dréachtbhuiséad don bhliain airgeadais N, go ndéalraíonn sé go bhfuil riosca ann go sárófar an méid dá dtagraítear in Airteagal 16 don bhliain airgeadais N, molfaidh an Coimisiún do Parlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó don Chomhairle na bearta is gá chun comhlíonadh i dtaobh an mhéid sin a áirithiú.

3. Ag am ar bith, má mheasann an Coimisiún go bhfuil riosca ann go sárófar an méid dá dtagraítear in Airteagal 16 agus nach féidir leis bearta leordhóthanacha a dhéanamh faoina chumhachtaí chun an scéal a leigheas, molfaidh sé bearta eile chun comhlíonadh i dtaobh an mhéid sin áirithiú. Glacfaidh an Chomhairle na bearta sin i gcás inarb é Airteagal 43(3) CFAE an bunús dlí leis an mbeart ábhartha nó glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle iad i gcás inarb é Airteagal 43(2) CFAE an bunús dlí leis an mbeart ábhartha.

4. Más rud é, ag deireadh na bliana airgeadais N, go sáraíonn iarrataí ar aisíocaíochtaí ó na Ballstáit an méid dá dtagraítear in Airteagal 16, nó más dóchúil go sáróidh siad an méid sin, déanfaidh an Coimisiún:

- na hiarrataí a bheidh curtha isteach ag na Ballstáit a bhreithniú ar bhonn pro rata agus laistigh de theorainn an bhuiséid atá ar fáil, agus déanfaidh sé, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena socrófar, méid na n-íocaíochtaí don mhí lena mbaineann a shocrú go sealadach;
- a chinneadh, i gcás gach Ballstáit, ar a dhéanaí faoin 28 Feabhra den bhliain dár gcionn, cén staid ina bhfuil sé maidir le maoiniú ón Aontas don bhliain airgeadais roimhe sin;
- gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena socrófar méid iomlán an mhaoinithe ón Aontas arna mhiondealú de réir Ballstáit, ar bhonn ráta aonair, laistigh de theorainn an bhuiséid a bhí ar fáil do na híocaíochtaí míosúla;
- aon chúiteamh atá le déanamh i leith Ballstát, ar a dhéanaí nuair a dhéantar na híocaíochtaí míosúla do mhí an Mhárta sa bhliain N+1.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear i bpointe (a) agus i bpointe (c) den chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(2).

Airteagal 28

Córas luathrabhaidh agus faireacháin

Chun a áirithiú nach sárófar an uasteorainn bhuiséadach dá dtagraítear in Airteagal 16, déanfaidh an Coimisiún córas míosúil luathrabhaidh agus faireacháin a chur chun feidhme i dtaobh chaiteachas CERT.

Chuirge sin, ag tús gach bliana airgeadais, déanfaidh an Coimisiún próifílí míosúla caiteachais a chinneadh chun na críche sin, próifílí a bheidh bunaithe, i gcás inarb iomchuí, ar an meánchaiteachas míosúil sna trí bliana roimhe sin.

Ó am go chéile, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina scrúdófar forbairt an chaiteachais arna dhéanamh i ndáil leis na próifílí agus ina mbeidh measúnú ar an gcur chun feidhme intuartha don bhliain airgeadais reatha.

Airteagal 29

Rátaí malairte tagartha

1. Agus dréachtbhuiséad á ghlacadh ag an gCoimisiún, nó litir leasaitheach a ghabhann leis an dréachtbhuiséad agus a bhaineann le caiteachas talmhaíochta á glacadh aige, úsáidfidh sé, chun meastacháin bhuiséad CERT a bhunú, an meánráta malairte idir an euro agus dollar na Stát Aontaithe a taifeadadh ar an margadh le linn na ráithe is deireanaí dar críoch 20 lá ar a laghad sula nglacann an Coimisiún an doiciméad buiséadach.

2. Agus dréachtbhuiséad leasaitheach agus forlíontach á ghlacadh nó litir leasaitheach air sin á glacadh ag an gCoimisiún, úsáidfidh sé, a mhéid a bhaineann na doiciméid sin le leithreasáil i dtaca leis na bearta dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 4(1), na nithe seo a leanas:

- (a) an meánráta malairte idir an euro agus dollar na Stát Aontaithe a taifeadadh iarbhair ar an margadh ón 1 Lúnasa an bhliain airgeadais roimhe sin go dtí deireadh na ráithe is deireanaí dar críoch 20 lá ar a laghad sula nglacann an Coimisiún an doiciméad buiséadach agus ar a dhéanaí an 31 Iúil sa bhliain airgeadais reatha, agus
- (b) an meánráta malairte a taifeadadh iarbhair le linn na ráithe is deireanaí dar críoch 20 lá ar a laghad sula nglacann an Coimisiún an doiciméad buiséadach, mar réamhaisnéis don chuid eile den bhliain airgeadais.

CAIBIDIL II

CETFT

Roinn 1

Forálacha ginearálta do cetft

Airteagal 30

Cosc ar chistiú dúbailte

Caiteachas a mhaoineítear faoi CETFT, ní bheidh sé faoi réir aon mhaoinithe eile faoi bhuiséad an Aontais.

Airteagal 31

Forálacha a bhfuil feidhm acu maidir le gach íocaíocht

1. I gcomhréir le hAirteagal 77(1) de Rialachán (AE) Uimh. RR 1303/2013, íocaíochtaí ó ranníocaíocht CETFT arna ndéanamh ag an gCoimisiún mar a thagraítear dóibh in Airteagal 5 den Rialachán seo, ní bheidh siad os cionn na ngealltanais buiséadach.

Sannfar na híocaíochtaí sin don ghealltanais buiséadach is luaithe atá oscailte

2. Beidh feidhm ag Airteagal 844 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012

Roinn 2

Maoiniú clár forbartha tuaithe

Airteagal 32

Ranníocaíocht ó CETFT

Déanfar an ranníocaíocht ó CETFT le caiteachas faoi chlár forbartha tuaithe a chinneadh do gach clár, laistigh de na huasteorainneacha arna mbunú ag reachtaíocht an Aontais maidir le tacaíocht d'fhorbairt na tuaithe ó CETFT.

Airteagal 33

Gealltanais bhuiséadacha

Maidir le gealltanais bhuiséadacha an Aontais i gcomhair clár forbartha tuaithe, beidh feidhm ag Airteagal 76 de Rialachán (AE) Uimh. RR 1303/2013.

Roinn 3

Ranníocaíocht airgeadais le cláir forbartha tuaithe

Airteagal 34

Forálacha a bhfuil feidhm acu maidir le gach íocaíocht i gcomhair clár forbartha tuaithe

1. Cuirfear na leithreasáil is gá chun an caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 5 a mhaoiniú ar fáil do na Ballstáit i bhfoirm íocaíochtaí réamh-mhaoinithe, íocaíochtaí eastramhacha agus íocaíochta iarmhéid, mar a thuairiscítear sa Roinn seo.

2. Ní sháróidh comhiomlán na n-íocaíochtaí réamh-mhaoinithe agus eastramhacha 95 % de ranníocaíocht CETFT le gach clár forbartha tuaithe.

Nuair a shroichfear an uasteorainn 95 %, leanfaidh na Ballstáit ar aghaidh ag tarchur iarrataí ar íocaíochtaí chuig an gCoimisiún.

Airteagal 35

Socrúithe réamh-mhaoinithe

1. I ndiaidh chinneadh an Choimisiúin lena bhformheastar an clár forbartha tuaithe, íocfaidh an Coimisiún méid réamh-mhaoinithe tosaigh le haghaidh na tréimhse clárúcháin ar fad don Bhallstát. Déanfar an méid réamh-mhaoinithe tosaigh sin a íoc i dtráthchodanna mar a leanas:

- (a) in 2014: 1 % de mhéid na tacaíochta a gheobhaidh an clár forbartha tuaithe ó CETFT ar feadh na clárthréimhse iomláine agus 1.5 % de mhéid na tacaíochta a gheobhaidh an clár forbartha ón CETFT feadh na clárthréimhse iomláine nuair a bhí cúnaimh airgeadais á fháil ag Ballstát ó 2010 i leith, i gcomhréir le hAirteagal 122 agus le hAirteagal 143 CFAE, nó ón tSaoráid um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSF), nó má bhíonn cúnaimh airgeadais á fháil aige an 31 Nollaig 2013 i gcomhréir le hAirteagal 136 agus le hAirteagal 143 CFAE;
- (b) in 2015: 1 % de mhéid na tacaíochta a gheobhaidh an clár forbartha tuaithe ó CETFT ar feadh na clárthréimhse iomláine agus 1.5 % de mhéid na tacaíochta a gheobhaidh an clár forbartha ó CETFT feadh na clárthréimhse iomláine nuair a bhí cúnaimh airgeadais á fháil ag Ballstát ó 2010 i leith, i gcomhréir le hAirteagal 122 agus le hAirteagal 143 CFAE, nó ó EFSF, nó má bhíonn cúnaimh airgeadais á fháil aige an 31 Nollaig 2014 i gcomhréir le hAirteagal 136 agus le hAirteagal 143 CFAE;
- (c) in 2016: 1 % de mhéid na tacaíochta ó CETFT feadh na clárthréimhse iomláine leis an gclár oibríochta.

I gcás ina nglacfar clár forbartha tuaithe in 2015 nó níos déanaí, íocfar na tráthchodanna is luaithe an bhliain sin a nglacfar é.

2. Aisíocfar an méid iomlán arna íoc mar réamh-mhaoiniú leis an gCoimisiún Mura ndéantar aon chaiteachas agus mura seoltar aon dearbhú caiteachais don chlár forbartha tuaithe laistigh de 24 mhí ón dáta ar a n-íocann an Coimisiún an chéad tráthchuid den mhéid réamh-mhaoinithe, aisíocfar an méid iomlán arna íoc mar réamh-mhaoiniú leis an gCoimisiún.

3. Sannfar ús arna ghiniúint ar an réamh-mhaoiniú don chlár forbartha tuaithe lena mbaineann agus asbhainfear é ón méid caiteachais phoiblí arna shonrú ar an dearbhú caiteachais deiridh.

4. Imréiteofar an méid iomlán réamh-mhaoinithe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 51 den Rialachán seo sula ndúnfar an clár forbartha tuaithe.

Airteagal 36

Íocaíochtaí eatramhacha

1. Déanfar íocaíochtaí eatramhacha do gach clár forbartha tuaithe. Déanfar iad a ríomh tríd an ráta cómhaoinithe i gcomhair gach birt a chur i bhfeidhm maidir leis an gcaiteachas poiblí arna dhéanamha bhaineann leis mar a thagraítear in Airteagal 59 de Rialachán (AE) Uimh. FT1305/2013.

2. Ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil, déanfaidh an Coimisiún, agus laghduithe nó fionraíochtaí arna gcur i bhfeidhm faoi Airteagal 41, íocaíochtaí eatramhacha chun an caiteachas arna thabhtú ag gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe i gcur chun feidhme na gclár a aisíoc.

3. Déanfar gach íocaíocht eatramhach ag an gCoimisiún faoi réir chomhlíonadh na gceanglas seo a leanas:

- (a) dearbhú caiteachais a bheidh sínithe ag an ngníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe a tharchur chuig an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 102(1)(c);
- (b) gan aon sárú a bheith ann ar ranníocaíocht iomlán CETFT le gach beart don tréimhse iomlán atá cumhdaithe ag an gclár lena mbaineann;
- (c) an tuarascáil bhliantúil deiridh faoin dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme an chláir forbartha tuaithe a tharchur chuig an gCoimisiún.

4. Mura gcomhlíontar ceann amháin de na ceanglais a leagtar síos i mír 3, cuirfidh an Coimisiún an gníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe nó an comhlacht comhordaithe ar an eolas láithreach, i gcás inar ceapadh ceann díobh sin. Mura n-urramaítear ceann amháin de na ceanglais a leagtar síos i bpointe (a) nó pointe (c) de mhír 3, ní bheidh an dearbhú caiteachais inghlactha.

5. Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 51 agus 52, déanfaidh an Coimisiún íocaíochtaí eatramhacha laistigh de 45 lá tar éis dó dearbhú caiteachais a chlárú ar comhlíonadh na ceanglais a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo ina leith.

6. Déanfaidh gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe, go díreach nó tríd an gcomhlacht comhordaithe a úsáid mar idirgh-abhálaí, i gcás inar ceapadh ceann, dearbhuithe idirmheánacha caiteachais a bhaineann le clár forbartha tuaithe a bhunú agus a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún, laistigh de thréimhsí a shocróidh an Coimisiún.

Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na thréimhsí do gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe chun dearbhuithe idirmheánacha caiteachais maidir le caiteachas a chur ar aghaidh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

Cumhdóidh dearbhuithe caiteachais caiteachas a rinne na gníomhaireachtaí íocaíochta le linn gach ceann de na thréimhsí lena mbaineann. I gcásanna, áfach, nach féidir caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 65(9) de Rialachán (AE) Uimh. RR 1303/2013 a dhearbú don Choimisiún sa tréimhse lena mbaineann de bhrí go bhfuiltear ag feitheamh ar fhormheas faoi leasú ar an gclár ón gCoimisiún, féadfar é a dhearbú i dtréimhsí ina dhiaidh sin.

Déanfar dearbhuithe idirmheánacha caiteachais maidir le caiteachas a dhéanfar ón 16 Deireadh Fómhair ar aghaidh a chlárú faoi bhuiséad na bliana dár gcionn.

7. Beidh feidhm ag Airteagal 83 de Rialachán (AE) Uimh. RR 1303/2013.

*Airteagal 37***Íocaíocht an iarmhéid agus dúnadh an chláir**

1. Tar éis dó an tuarascáil bhliantúil deiridh faoin dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme cláir forbartha tuaithe a fháil, íocfaidh an Coimisiún, ag brath aracmhainní bheith ar fáil agus ar bhonn an phlean airgeadais atá i bhfeidhm, íocfaidh sé iarmhéid na gcuntas bliantúil don bhliain dheireanach de chur i gcrích an chláir ábhartha forbartha tuaithe agus an chinnidh chomhfhreagraigh maidir le himréiteach. Cuirfear na cuntais sin faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an dáta deiridh incháilitheachta maidir le caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus cumhdóidh siad an caiteachas a dhéanfaidh an gníomhaireacht íocaíochta suas go dtí an dáta deiridh incháilitheachta maidir le caiteachas.

2. Íocfar an t-iarmhéid tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis don Choimisiún a mheas gurb infhála an fhaisnéis agus na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus tar éis imréiteach an chuntais bhliantúil deiridh. Gan dochar d'Airteagal 38(5), déanfaidh an Coimisiún na méideanna a bhfuil gealltanais fós déanta ina leith tar éis an iarmhéid a íoc, a shaoradh laistigh de thréimhse shé mhí.

3. Más rud é, faoin teorainn ama a leagtar amach i mír 1, nár seoladh chuig an gCoimisiún an tuarascáil bhliantúil deiridh faoi dhul chun cinn agus na doiciméid is gá chun cuntais na bliana deireanaí de chur i gcrích an chláir a imréiteach, déanfar an t-iarmhéid a shaoradh go huathoibríoch i gcomhréir le hAirteagal 38.

*Airteagal 38***Saoradh uathoibríoch i gcomhair clár forbartha tuaithe**

1. Aon chuid de ghealltanais buiséadach do chlár forbartha tuaithe nár úsáideadh chun críche réamh-mhaoinithe nó chun íocaíochtaí eastramhacha a dhéanamh nó aon chuid nár cuireadh aon dearbhú caiteachais ina leith, lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 36(3), faoi bhráid an Choimisiúin maidir le caiteachas arna dhéanamh faoin 31 Nollaig sa tríú bliain tar éis bhliain an ghealltanais bhuiséadaigh, déanfaidh an Coimisiún an chuid sin a shaoradh go huathoibríoch.

2. An chuid sin de ghealltanais bhuiséadacha atá fós oscailte ar an dáta deiridh incháilitheachta maidir le caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 [RFC] nach ndearnadh dearbhú caiteachais ina leith laistigh de 6 sé mhí tar éis an dáta sin, déanfar an chuid sin a shaoradh go huathoibríoch.

3. I gcás aon imeachtaí dlíthiúla nó i gcás achomhairc riaracháin a bhfuil éifeacht fionraíochta acu, cuirfear isteach ar an tréimhse um saoradh uathoibríoch dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2, i ndáil leis an méid a bhaineann leis na hoibríochtaí lena mbaineann, ar feadh na n-imeachtaí sin nó an achomhairc riaracháin sin, ar choinníoll go bhfaigheann an Coimisiún fógra réasúnaíthe a bhfuil bonn cuí leis ón mBallstát faoin 31 Nollaig sa bhliain N + 3.

4. Déanfar neamhaird den mhéid seo a leanas agus an saoradh uathoibríoch á ríomh:

(a) an chuid sin de na gealltanais bhuiséadacha a ndearnadh dearbhú caiteachais ina leith ach ar laghdaigh an Coimisiún a haisíocaíocht nó ar chuir sé ar fionraí í an 31 Nollaig sa bhliain N + 3;

(b) an chuid sin de na gealltanais bhuiséadacha nach raibh gníomhaireacht íocaíochta ábalta a eisíoc ar chúiseanna force majeure a imríonn tionchar tromchúiseach ar chur chun feidhme an chláir fhorbartha tuaithe. Déanfaidh údarais náisiúnta a mhaíonn force majeure na hiarmhairtí díreacha ar chur chun feidhme chuid den chlár nó an chláir ar fad a thaispeáint.

Faoin 31 Eanáir, seolfaidh an Ballstát faisnéis chuig an gCoimisiún i dtaobh na n-eisceachtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír maidir leis na méideanna a dearbhaíodh faoi dhéireadh na bliana roimhe sin.

5. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas in am trátha má tá riosca saortha uathoibríoch ann. Cuirfidh sé ar an eolas iad faoin méid atá i gceist mar a shonraíonn an fhaisnéis atá ina sheilbh é. Beidh dhá mhí ag na Ballstáit ón uair a fhaigheann siad an fhaisnéis sin chun aontú leis an méid i gceist nó chun barúlacha a chur i láthair. Déanfaidh an Coimisiún an saoradh uathoibríoch tráth nach déanaí ná naoi mí tar éis an sprioc-ama deireanaí a thig as cur i bhfeidhm mhíreanna 1 go 3.

6. I gcás saortha uathoibríoch, déanfar ranníocaíocht CETFT leis an gclár forbartha tuaithe lena mbaineann a laghdú, don bhliain atá i gceist, leis an méid a saoradh go huathoibríoch. Déanfaidh an Ballstát plean athbhreithnithe airgeadais lena roinnfear laghdú na cabhrach i measc na mbeart, plean a bheidh le formheas ag an gCoimisiún. Mura ndéanann sé amhlaidh, laghdóidh an Coimisiún na méideanna a leithdháiltear le haghaidh gach birt ar bhonn pro rata.

*CAIBIDIL III***Forálacha Coiteanna***Airteagal 39***An bhliain airgeadais talmhaíochta**

Gan dochar do na forálacha speisialta maidir le dearbhuithe caiteachais agus ioncain a bhaineann le hidirghabháil phoiblí arna leagan síos ag an gCoimisiún de bhun phointe (a) d'Airteagal 46(6), cumhdóidh an bhliain airgeadais talmhaíochta caiteachas arna íoc agus ioncam arna fháil agus arna iontráil ag na gníomhaireachtaí íocaíochta i gcuntais bhuiséadacha na gCisté i leith na bliana airgeadais "N" dar tús an 16 Deireadh Fómhair den bhliain "N-1" agus dar críoch an 15 Deireadh Fómhair den bhliain "N".

*Airteagal 40***Comhlíonadh sprioc-amanna íocaíochta**

I gcás ina bhfuil sprioc-amanna íocaíochta leagtha síos ag dlí an Aontais, aon íocaíocht a dhéanfaidh na gníomhaireachtaí íocaíochta leis na tairbhíthe roimh an dáta íocaíochta is luaithe is féidir agus tar éis an dáta íocaíochta is déanaí is féidir, ní bheidh sí incháilithe do mhaoiniú ón Aontas, seachas sna cásanna, sna coinníollacha agus laistigh de na teorainneacha a bheidh le cinneadh agus prionsabal na comhréireachta á chur san áireamh.

Chun go mbeidh caiteachas sa dhéanfar roimh an dáta íocaíochta is luaithe is féidir nó i ndiaidh an dáta is déanaí is féidir incháilithe i gcomhair maoiniú ón Aontas, agus an tionchar airgeadais á theorannú ag an am céanna, beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115, de mhaoluithe ar an riail atá sa chéad mhír.

Airteagal 41

Íocaíochtaí míosúla agus eatramhacha a laghdú agus a chur ar fionraí

1. I gcás ina gcuirfidh dearbhuithe caiteachais nó an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 102 ar chumas an Choimisiúin a shuíomh go bhfuil caiteachas déanta ag comhlachtaí nach gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe iad, nár urramaíodh tréimhsí íocaíochta nó uasteorainneacha airgeadais arna sócrú ag dlí an Aontais nó nach raibh caiteachas a rinneadh ar bhealach eile nach raibh i gcomhréir le rialacha an Aontais, féadfaidh an Coimisiún na híocaíochtaí míosúla nó eatramhacha leis an mBallstát lena mbaineann a laghdú nó a chur ar fionraí faoi chuimse na ngníomhartha cur chun feidhme maidir le híocaíochtaí míosúla dá dtagraítear in Airteagal 18(3) nó i gcomhthéacs na n-íocaíochtaí eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 36, tar éis deis a thabhairt don Bhallstát a bharúlacha a thíolacadh.

I gcás nach gcuirfidh na dearbhuithe caiteachais ná an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 102 ar chumas an Choimisiúin a shuíomh go ndearnadh an caiteachas i gcomhréir le rialacha an Aontais, iarrfaidh an Coimisiún ar an mBallstát lena mbaineann tuilleadh faisnéise a sholáthar agus a bharúlacha a thíolacadh laistigh de thréimhse nach lú ná 30 lá. Mura bhfreagróidh an Ballstát iarraidh an Choimisiúin laistigh den tréimhse arna cinneadh nó má mheastar nach bhfuil an freagra sásúil nó go léiríonn sé nach ndearnadh an caiteachas i gcomhréir le rialacha an Aontais, féadfaidh an Coimisiún na híocaíochtaí míosúla nó eatramhacha leis an mBallstát lena mbaineann a laghdú nó a chur ar fionraí faoi chuimse na ngníomhartha cur chun feidhme maidir le híocaíochtaí míosúla dá dtagraítear in Airteagal 18(3) nó i gcomhthéacs na n-íocaíochtaí eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 36.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena ndéantar na híocaíochtaí míosúla nó eatramhacha le Ballstát a laghdú nó a chur ar fionraí Murab ann do cheann amháin nó níos mó de chodanna fíorthábhachtacha an chórais rialaithe náisiúnta atá i gceist nó mura bhfuil siad éifeachtach de bharr thromchúis nó mharthanacht na n-easnamh arna n-aimsiú, nó má tá easnamh thromchúiseacha chomhchosúla sa chóras chun íocaíochtaí neamhrialta a aisghabháil, agus má chomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha a leanas:

- (a) is de chineál marthanach na heasnamh dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus ba iad ba chúis le ar a laghad dhá ghníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal 52, lena n-eisiatar caiteachas an Bhallstáit lena mbaineann ó mhaoiniú an Aontais; nó
- (b) cinneann an Coimisiún nach bhfuil an Ballstát lena mbaineann in inmhe na bearta leighis is gá a chur chun feidhme sa neastodhchá, i gcomhréir le plean gníomhaíochta a bhfuil táscairí forbraíochta soiléire ag baint leo, a bhunófar i gcomhairliúchán leis an gCoimisiún.

Cuirfear an laghdú nó an fionraí i bhfeidhm maidir leis an gcaiteachas ábhartha arna dhéanamh ag an ngníomhaireacht íocaíochta i gcás inarb ann do na heasnamh ar feadh tréimhse a bheidh le cinneadh sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa mhír seo, ar tréimhse í nach mbeidh níos faide ná dhá mhí dhéag. Féadfar an tréimhse sin a fhadú ar feadh tréimhsí eile nach mbeidh níos faide ná, dhá mhí dhéag má leantar de chomhlíonadh na gcoinníollacha maidir leis an laghdú nó leis an bhfionraí. Ní leanfar den laghdú ná den fhionraí más rud é nach gcomhlíontar na coinníollacha sin a thuilleadh.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear sa mhír seo i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(2).

Roimh dó na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa mhír seo a ghlacadh, cuirfidh an Coimisiún an Ballstát lena mbaineann ar an eolas faoina rún agus iarrfaidh sé air gníomhú laistigh de thréimhse nach lú ná 30 lá.

Sna gníomhartha cur chun feidhme lena socrófar na híocaíochtaí míosúla dá dtagraítear in Airteagal 18(3) nó na híocaíochtaí eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 36, cuirfear na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh faoin mír seo san áireamh.

3. Déanfar laghduithe agus fionraíochtaí faoin Airteagal seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus beidh siad gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 51 agus Airteagal 52.

4. Beidh laghduithe agus fionraíochtaí faoin Airteagal seo gan dochar d'Airteagal 19, d'Airteagal 22 agus d'Airteagal 23 de Rialachán (AE) Uimh. RR 1303/2013.

Déanfar na fionraíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 19 agus in Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos i mír 2 den Airteagal seo.

Airteagal 42

Fionraí íocaíochtaí i gcás faisnéis a thíolacadh déanach

I gcás ina gcuirfidh reachtaíocht talmhaíochta earnálach de cheangal ar na Ballstáit faisnéis a thíolacadh, laistigh de thréimhse shonrach ama, maidir le líon na seiceálacha a rinneadh faoi Airteagal 59 agus toradh na seiceálacha sin agus i gcás ina rachaidh na Ballstáit thar an tréimhse sin, féadfaidh an Coimisiún na híocaíochtaí míosúla dá dtagraítear in Airteagal 18 nó na híocaíochtaí eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 36 a chur ar fionraí ar an gcoinníoll go ndearna an Coimisiún an fhaisnéis, na foirmeacha agus na míniúcháin go léir a theastaíonn ó na Ballstáit chun na staitisticí a thiomnú a chur ar fáil dóibh in am trátha roimh thús na tréimhse tagartha. Ní mó ná 1,5 % den chaiteachas nár seoladh an fhaisnéis ábhartha staidrimh in am ina léith a bheidh sa mhéid a bheidh le cur ar fionraí. Agus an fionraí á chur i bhfeidhm aige, gníomhóidh an Coimisiún i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, agus fad na moille á chur san áireamh. Go háirithe, cuirfear san áireamh an gcuirfear sásra urscaoilte bliantúil an bhuiséid i mbaol mar thoradh ar an tíolacadh déanach faisnéise. Sula gcuirfidh sé na híocaíochtaí míosúla ar fionraí, tabharfaidh an Coimisiún fógra i scríbhinn don Bhallstát lena mbaineann.

Aisíocfaidh an Coimisiún na méideanna a cuireadh ar fionraí nuair a gheobhaidh sé an fhaisnéis staidrimh ó na Ballstáit lena mbaineann, ar choinníoll nach déanaí ná deireadh mhí Eanáir den bhliain ina dhiaidh sin é dátana hadmhála.

Airteagal 43

Ioncam a shannadh

1. "Ioncam sannta" a bheidh sa mhéid seo a leanas de réir bhrí Airteagal 21 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2013:

- (a) suimeanna nach mór a íoc le buiséad an Aontais, lena n-áirítear ús orthu, faoi Airteagal 40 agus Airteagal 51 maidir le caiteachas faoi CERT, agus faoi Airteagal 52 agus Airteagal 54;
- (b) suimeanna a bhailítear nó a aisghabhtar faoi Roinn III de Chaibidil III de Theideal I de Chuid II de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007;
- (c) suimeanna a bailíodh de thoradh pionós i gcomhréir leis na rialacha sonracha a leagtar síos i reachtaíocht talmhaíochta earnálach an Aontais, seachas má fhorálann an reachtaíocht sin go sonrach go bhféadfaidh na Ballstáit na suimeanna sin a choimeád;
- (d) méideanna a fhreagraíonn do phionóis arna gcur i bhfeidhm i gcomhréir leis na rialacha maidir le tras-chomhlíonadh a leagtar síos i gCaibidil II de Theideal VI, maidir le caiteachas faoi CERT;
- (e) aon urrús, taisece nó ráthaíocht arna s(h)oláthar de bhun dlí an Aontais arna glacadh faoi chuimsiú CBT, lena n-eisiatar forbairt tuaithe, agus a fhorghéilltear ina dhiaidh sin. Coimeádfaidh na Ballstáit, áfach, na hurrúis forghéillte arna dtaiseceadh agus ceadúnais onnmhairiúcháin nó allmhairiúcháin á n-eisiúint nó faoi nós imeachta tairisceana chun a áirithiú go dtíolacann tairgeoirí tairiscintí dáiríre agus chuige sin amháin.

2. Déanfar na suimeanna dá dtagraítear i mír 1 a íoc le buiséad an Aontais agus, i gcás ina nathúsáidfear iad, úsáidfear iad chun caiteachas CERT agus CETFT amháin a mhaoiniú.

3. Beidh feidhm ag an Rialachán seo mutatis mutandis maidir le hioncam sannta dá dtagraítear i mír 1.

4. Maidir le CERT, beidh feidhm mutatis mutandis ag Airteagal 170 agus Airteagal 171 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 maidir leis na cuntais ar ioncam sannta dá dtagraítear sa Rialachán seo a choinneáil.

Airteagal 44

Cuntais ar leith a choinneáil

Coinneoidh gach gníomhaireacht íocaíochta tacar cuntas ar leith do na leithreasá a iontrálfar i mbuiséad an Aontais do na Cistí.

Airteagal 45

Bearta faisnéise

1. Is í an aidhm a bheidh le soláthar faisnéise a mhaoineofar de bhun phointe (e) d'Airteagal 6, go háirithe, cuidiú le CBT a mhíniú, a chur chun feidhme agus a fhorbairt agus feachtas an phobail i dtaobh a ábhar agus a chuspóirí a ardú, muinín tomhaltóirí a spreagadh arís tar éis géarchéimeanna trí fheachtais faisnéise, feirmeoirí agus daoine eile atá gníomhach i gceantair tuaithe a chur ar an eolas agus múnla Eorpach na talmhaíochta a chur chun cinn chomh maith le cuidiú le saoránaigh é a thuiscint.

Soláthrófar faisnéis chomhtháite oibiachtúil chuimsitheach, laistigh agus lasmuigh den Aontas araon, chun léargas cruinn iomlán a thabhairt ar CBT.

2. Féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith sna bearta dá dtagraítear i mír 1:

- (a) cláir bhliantúla oibre nó bearta sonracha eile arna gcur i láthair ag tríú páirtithe;
- (b) gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ar thionscnamh an Choimisiúin.

Na bearta sin a cheanglaítear le dlí nó na bearta sin a fhaigheann maoiniú cheana faoi ghníomh eile de chuid an Aontais.

Chun gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (b) a chur chun feidhme féadfaidh saineolaithe seachtracha a bheith de chúnamh ag an gCoimisiún.

Cuideoidh na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír freisin le cumarsáid chorparáideach a áirithiúmaidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais a mhéid is go mbaineann na tosaíochtaí sin le cuspóirí gearrtha an Rialacháin seo.

3. Faoin 31 Deireadh Fómhair gach bliain foilseoidh an Coimisiún gairm ar thograí a urramóidh na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.

4. Tabharfar fógra don Choiste dá dtagraítear in Airteagal 116(1) i leith beart a bheartaítear agus a dhéantar de bhun an Airteagail seo.

5. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme an Airteagail seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach dara bliain.

Airteagal 46

Cumhachtaí an Choimisiúin

1. Chun ioncam arna bhailiú ag gníomhaireachtaí íocaíochta do bhuiséad an Aontais agus íocaíochtaí á ndéanamh acu ar bhonn na ndearbhuithe caiteachais a thíolaic Ballstáit a chur san áireamh, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmiligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115 maidir leis na coinníollacha faoina bhfuil cineálacha áirithe caiteachais agus ioncaim faoi na Cistí le cúiteamh.

2. Chun na leithreasáí atá ar fáil a leithdháileadh go cothrom i measc na mBallstát, i gcás nach mbeidh buiséad an Aontais glactha ag tús na bliana airgeadais nó i gcás ina sáróidh méid iomlán na réamhghéalltanais an tairseach a leagtar síos in Airteagal 170(3) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115 den Rialachán seo maidir leis na an modh is infheidhme maidir leis na géalltanais agus maidir leis na méideanna a íoc.

3. Chun comhsheasmhacht na sonraí ar thug na Ballstáit fógra ina leith maidir le caiteachas nó maidir le faisnéis eile dá bhforáiltear sa Rialachán seo a fhíorú, tabharfar an chumhacht don Choimisiún, i gcás neamhchomhlíonadh na hoibleagáide chun fógra a thabhairt don Choimisiún de bhun Airteagal 102, gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115 maidir leis na híocaíochtaí míosúla do na Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal a chur siar i ndáil le caiteachas faoi CERT agus na coinníollacha lena rialaítear laghdú nó fionraí íocaíochtaí eatramhacha ón gCoimisiún do na Ballstáit faoi CETFT dá dtagraítear san Airteagal sin.

4. Le linn Airteagal 42 a chur i bhfeidhm, chun a áirithiú go n-urramófar prionsabal sin na comhréireachta, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115 maidir le rialacha faoin méid seo a leanas:

- (a) liosta na mbeart a thagann faoi Airteagal 42;
 - (b) ráta fhionraíocht na n-íocaíochtaí dá dtagraítear san Airteagal sin
5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadhlena leagtar síos tuilleadh rialacha faoin oibleagáid a leagtar síos in Airteagal 44 a leagan síos, chomh maith leis na coinníollacha sonracha a bhfuil feidhm acu maidir leis an bhfaisnéis atá le cur sna cuntais a choinníonn na gníomhairreachtaí íocaíochta. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

6. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadhlena leagtar síos rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) maoiniú agus cuntasáíocht beart idirghabhála i bhfoirm stórála poiblí, agus caiteachas eile a mhaoiníonn na Cístí;
- (b) na téarmaí agus na coinníollacha a rialaíonn cur chun feidhme nós imeachta an tsaortha uathoibríoch;
- (c) an nós imeachta agus socruithe praiticiúla eile le haghaidh fheidhmiú cuí an tsásra dá bhforáiltear in Airteagal 42.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

CAIBIDIL IV

Cuntais a imríteach

Roinn I

Forálacha ginearálta

Airteagal 47

Seiceálacha ar an láthair a dhéanann an Coimisiún

1. Gan dochar do na seiceálacha a dhéanann na Ballstáit faoi dhlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin náisiúnta nó faoi Airteagal 287 CFAE nó faoi aon seiceáil a eagraítear faoi Airteagal 322 CFAE nó atá bunaithe ar Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle ⁽¹⁾, féadfaidh an Coimisiún seiceálacha ar an láthair a eagrú sna Ballstáit d'fhonn an méid seo a leanas, go háirithe, a fhíorú:

- (a) go gcomhlíonann na cleachtais riaracháin rialacha an Aontais;
- (b) go bhfuil ann do na doiciméid tacaíochta is gá agus a gcomhghaol leis na hoibríochtaí a mhaoiníonn CERT nó CETFT;
- (c) na téarmaí faoina ndéantar na hoibríochtaí a mhaoiníonn CERT nó CETFT agus faoina seiceáiltear iad.
- (d) an gcomhlíonann gníomhaireacht íocaíochta na critéir chreidiúnaithe a leagtar síos in Airteagal 7(2) agus an gcuireann an Ballstát forálacha Airteagal 7(5) i bhfeidhm mar is ceart.

Na daoine atá údaraithe ag an gCoimisiún chun seiceálacha ar an láthair a dhéanamh ar a shon, nó na gníomhairí de chuid an Choimisiúin atá ag feidhmiú laistigh de raon feidhme na gcumhachtaí arna dtabhairt dóibh, beidh rochtain acu ar na leabhair agus ar na doiciméid ar fad eile, lena n-áirítear doiciméid agus meiteashonraí arna dtarraingt suas nó arna bhfáil agus arna dtaifeadadh ar mheán leictreonach, a bhaineann le caiteachas a mhaoiníonn CERT nó CETFT.

Ní dhéanfaidh na cumhachtaí maidir le seiceálacha ar an láthair difear do chur i bhfeidhm na bhforálacha náisiúnta lena gcoimeádtar gníomhartha áirithe le haghaidh gníomhairí atá ainmnithe go sonracha sa dlí náisiúnta. Gan dochar d'fhorálacha sonracha Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 883/2013 ⁽²⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, ní bheidh na daoine atá údaraithe ag an gCoimisiún chun gníomhú ar a shon páirteach, inter alia, i gcuairteanna baile ná i gceistiú foirmiúil daoine ar bhonn dhlí an Bhallstáit lena mbaineann. Beidh rochtain acu ar an bhfaisnéis a fhaightear ar an mbealach sin, áfach.

⁽¹⁾ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí bheidh le déanamh ag an gCoimisiún chun leasa airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaíochta agus i gcoinne mírialtachtaí eile (IO L 292, 5.11.1996, lch. 2).

⁽²⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna seoladh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

2. Tabharfaidh an Coimisiún réamhfhógra leordhóthanach maidir le seiceáil ar an láthair don Bhallstát lena mbaineann nó don Bhallstát a bhfuil an tseiceáil le déanamh ar a chríoch, agus an tionchar riaracháin ar ghníomhaireachtaí íocaíochta á chur san áireamh agus seiceálacha á n-eagrú. Féadfaidh gníomhairí ón mBallstát sin a bheith páirteach sna seiceálacha sin.

Ar iarratas ón gCoimisiún agus le comhaontú ón mBallstát, déanfaidh comhlachtaí inniúla an Bhallstáit sin seiceálacha breise nó fiosrúcháin faoi na hoibríochtaí a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Féadfaidh gníomhairí an Choimisiúin nó daoine atá údaraithe ag an Coimisiún chun gníomhú ar a shon bheith páirteach sna seiceálacha sin.

Chun na seiceálacha a fheabhsú, féadfaidh an Coimisiún, le comhaontú na mBallstát lena mbaineann, cúnaimh a iarraidh ó údarais na mBallstát sin le haghaidh seiceálacha nó fiosrúcháin áirithe.

Airteagal 48

Rochtain ar fhaisnéis

1. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis ar fad ar fáil don Choimisiún is gá le haghaidh fheidhmiú rianúil na gCisté, agus déanfaidh siad na bearta iomchuí ar fad is gá chun na seiceálacha a éascú a mheasann an Coimisiún atá oiriúnach i ndáil le maoiniú an Aontais a bhainistiú, lena n-áirítear seiceálacha ar an láthair.

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, ar iarratas uaidh, na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin a ghlac siad chun gníomhartha dlíthiúla an Aontais a bhaineann le CBT a chur chun feidhme, i gcás ina mbíonn tionchar ag na gníomhartha sin ar CERT nó ar CETFT ó thaobh airgeadais de.

3. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis ar fáil don Choimisiún faoi neamhrialtachtaí agus faoi chalois amhrasta a braitheadh, chomh maith le faisnéis faoi na bearta a glacadh de bhun Roinn III den Chaibidil seo chun íocaíochtaí neamhdhlite a aisghabháil i ndáil leis na neamhrialtachtaí agus na calaoisí sin de bhun Roinn III den Chaibidil seo.

Airteagal 49

Rochtain ar dhoiciméid

Coimeádfaidh na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe doiciméid tacaíochta a bhaineann le híocaíochtaí a dhéantar agus doiciméid a bhaineann le feidhmiú na seiceálacha riaracháin agus fisiceacha a cheanglaítear le dlí an Aontais, agus cuirfidh siad na doiciméid agus an fhaisnéis sin ar fáil don Choimisiún. Féadfar na doiciméid tacaíochta sin a choinneáil i bhfoirm leictreonach faoi na coinníollacha a bheidh leagtha síos ag an gCoimisiún ar bhonn Airteagal 50(2).

I gcás ina gcoimeádann údarás atá ag gníomhú faoi tharmligean ó ghníomhaireacht íocaíochta agus atá freagrach as caiteachas a údarú, cuirfidh an t-údarás sin tuarascálacha chuig an ngníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe maidir le líon na seiceálacha a rinneadh, ábhar na seiceálacha agus na bearta a glacadh i bhfianaise thorthaí na seiceálacha sin.

Airteagal 50

Cumhachtaí an Choimisiúin

1. Chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm ar bhealach ceart éifeachtach na forálacha a bhaineann le seiceálacha ar an láthair agus le rochtain ar dhoiciméid agus ar fhaisnéis a leagtar amach sa Chaibidil seo, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115 lena bhforlíonfar na hoibleagáidí sonracha a bheidh le comhlíonadh ag na Ballstáit faoin gCaibidil seo.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis:

- na nósanna imeachta a bhaineann leis na hoibleagáidí sonracha is gá do na Ballstáit a chomhlíonadh i ndáil leis na seiceálacha dá bhforáiltear sa Chaibidil seo;
- na nósanna imeachta a bhaineann leis na hoibleagáidí comhair is gá do na Ballstáit a chomhlíonadh chun Airteagal 47 agus Airteagal 48 a chur chun feidhme;
- na nósanna imeachta agus socruithe practiciúla eile maidir leis an oibleagáid tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 48(3);
- na coinníollacha faoina gcoinneofar na doiciméid tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 49, lena n-áirítear foirm na ndoiciméad agus an tréimhse ama a stórálfar iad.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

Roinn II

Imréiteach

Airteagal 51

Imréiteach cuntas

Roimh an 31 Bealtaine sa bhliain tar éis na bliana buiséadaí sin agus ar bhonn na faisnéise arna tarchur i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 102(1), déanfaidh an Coimisiún, trí bhithin gníomhartha cur chun feidhme, cinneadh maidir le cuntais na ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe a imréiteach. Cumhdóidh na gníomhartha cur chun feidhme sin sláine, cruinneas agus firinne na gcuntas bliantúil arna gcur isteach agus beidh siad gan dochar do chinntí iardain a ghlacfar faoi Airteagal 52.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(2).

Airteagal 52

Imréiteach comhréireachta

1. I gcás ina bhfaigheann sé amach nár rinneadh an caiteachas mar atá léirithe in Airteagal 4(1) agus in Airteagal 5, i gcomhréir le dlí an Aontais, agus, i gcás CETFT, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 85 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena socraítear na méideanna atá le heisiáimh ó mhaoiniú an Aontais Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(2).

2. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na méideanna atá le heisiáimh ar bhonn a thromchúisí atá an neamhchomhlíonadh a taifeadadh. Tabharfaidh sé aird chuí ar an gcineál sáráithe agus ar an damáiste atá déanta don Aontas i dtéarmaí airgeadais. Bunóidh sé an t-eisiáimh sin ar na méideanna a caitheadh go míchuí a shaináithint agus, i gcás nach bhféadfar na méideanna sin a shaináithint le hiarracht chomhréireach, féadfaidh sé ceartúcháin eachtarshuite nó ceartúcháin ar ráta comhréidh a chur i bhfeidhm. Ní chuirfear ceartúcháin ar ráta comhréidh i bhfeidhm ach amháin, de bharr nádúr an cháis nó i gcás nár sholáthar an Ballstát an fhaisnéis riachtanach don Choimisiún, ní fhéadfar an damáiste atá déanta don Aontas i dtéarmaí airgeadais a shaináithint ar bhealach níos cruinne le hiarracht chomhréireach.

3. Sula nglacfar aon chinneadh maoiniú a dhiúltú, déanfar cinntí chigireacht an Choimisiúin mar aon le freagraí an Bhallstáit a chur in iúl i scríbhinn, agus ina dhiaidh sin féachfaidh an dá pháirtí le teacht ar chomhaontú i leith na mbeart atá le déanamh. Ag an bpointe sin den nós imeachta tabharfar an deis do na Ballstáit a léiriú gur lú ná an measúnú ón gCoimisiún méid iarbhir an neamhchomhlíonadh.

Mura dtagtar ar chomhaontú, féadfaidh an Ballstát a iarraidh go n-osclofar nós imeachta atá dírithe ar sheasamh an dá pháirtí a thabhairt chun réitigh laistigh de thréimhse ceithre mhí. Déanfar tuarascáil faoi thoradh an nós imeachta a chur faoi bhráid an Choimisiúin, agus déanfaidh sé na moltaí atá sa tuarascáil a chur san áireamh sula ndéanfaidh sé cinneadh faoi mhaoiniú a dhiúltú agustabharfaidh sé cúiseanna má chinneann sé gan na moltaí sin a leanúint.

4. Ní féidir maoiniú a dhiúltú do na nithe seo a leanas:

- (a) caiteachas mar atá léirithe in Airteagal 4(1) a dhéantar níos mó ná 24 mhí roimh don Choimisiún fógra a thabhairt don Bhallstát i scríbhinn faoi chinntí a chigireachta;
- (b) caiteachas ar bhearta ilbhliantúla a thagann faoi raon feidhme Airteagal 4(1) nó faoi raon feidhme na gclár mar atá léirithe in Airteagal 5, i gcás ina gcuirtear an oibleagáid dheireanach ar an bhfaighteoir níos mó ná 24 mí roimh don Choimisiún fógra a thabhairt don Bhallstát i scríbhinn faoi chinntí a chigireachta;
- (c) caiteachas ar bhearta i gcláir, mar atá léirithe in Airteagal 5, seachas na bearta sin dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo, i gcás ina ndéantar an íocaíocht nó an íocaíocht dheireanach ón ngníomhaireacht íocaíochta níos mó ná 24 mí roimh don Choimisiún fógra a thabhairt don Bhallstát i scríbhinn faoi chinntí a chigireachta.

5. Ní bheidh feidhm ag mír 4 maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) neamhrialtachtaí a chumhdaítear i Roinn III den Chaibidil seo;

(b) cabhair náisiúnta ar ina leith a bhfuil tús curtha ag an gCoimisiún leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 108(2) CFAE nó sárúithe a bhfuil litir fhoirmiúil fógartha tugtha don Bhallstát lena mbaineann ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 258 CFAE;

(c) sárúithe na mBallstát ar a n-oibleagáidí faoi Chaibidil III de Theideal V den Rialachán seo, ar choinníoll go dtugann an Coimisiún fógra don Bhallstát i scríbhinn faoi chinntí a chigireachta laistigh de 12 mhí ón uair a fhaigheann sé tuarascáil an Bhallstáit maidir le torthaí na seiceálacha ar an gcaiteachas lena mbaineann.

Airteagal 53

Cumhachtaí an Choimisiúin

1. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme an méid seo a leanas a leagan síos:

(a) an t-imréiteach cuntas dá bhforáiltear in Airteagal 51 i ndáil leis na bearta atá le déanamh i dtaobh an cinneadh a ghlacadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear an malartú faisnéise idir an Coimisiún agus na Ballstáit agus na spriocdhátaí atá le comhlíonadh;

(b) an t-imréiteach comhréireachta dá bhforáiltear in Airteagal 52 i ndáil leis na bearta atá le déanamh i dtaobh an cinneadh a ghlacadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear an malartú faisnéise idir an Coimisiún agus na Ballstáit agus na spriocdhátaí atá le comhlíonadh mar aon leis an nós imeachta idir-réitigh dá bhforáiltear san Airteagal sin, lena n-áirítear suíomh, cúraimí, déanamh agus socrúithe oibre an chomhlachta idir-réitigh.

2. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

3. Le go mbeidh an Coimisiún in ann leas airgeadais an Aontais a chosaint agus lena áirithiú go gcuirfear na forálacha maidir le himréiteach comhréireachta dá bhforáiltear in Airteagal 52 i bhfeidhm go héifeachtúil, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115 maidir leis na critéir agus an mhodheolaíocht chun ceartúcháin a chur i bhfeidhm.

Roinn III

Neamhrialtachtaí

Airteagal 54

Forálacha Coiteanna

1. Má dhéantar íocaíocht neamhdhlite tar éis neamhrialtachta nó faillí, déanfaidh na Ballstáit iarratas ar aisghabháil ón tairbhí laistigh de 18 mí tar éis don ghníomhaireacht íocaíochta nó don chomhlacht atá freagrach as an aisghabháil tuarascáil rialaithe nó doiciméad den chineál sin a fhorghéas, agus i gcás inarb infheidhme, a fháil, lena gcuirtear in iúl gur tharla neamhrialtacht. Déanfar na méideanna comhfhreagracha a thaifeadadh, tráth a ndéantar an t-iarratas ar aisghabháil, i mórleabhar na bhféichiúnaithe atá ag an ngníomhaireacht íocaíochta.

2. Mura bhfuil an íocaíocht aisghafa laistigh de cheithre bliana ón dáta a fhaightear an t-iaratas ar aisghabháil, nó laistigh d'ocht mbliana i gcás ina gcuirtear an aisghabháil faoi bhráid na gcúirteanna náisiúnta, is ar an mBallstát lena mbaineann a bheidh 50 % d'iarbhairtí airgeadais na neamh-aisghabhála agus is ar bhuiséad an Aontais a bheidh an 50 % eile, gan dochar don cheanglas atá ar an mBallstát lena mbaineann dul i mbun nósanna imeachta aisghabhála d'fhonn Airteagal 60 a chomhlíonadh.

I gcás ina dtaifeadtar in ionstraim riaracháin nó dhlíthiúil de chineál cinntitheach nach ann do neamhrialtacht, i gcomhthéacs an nós imeachta aisghabhála, maífidh an Ballstát lena mbaineann do na Cistí gur caiteachas é an t-ualach airgeadais atá air de réir na chéad fhomhíre.

Mar sin féini gcás nach bhféadfaidh aisghabháil tarlú taobh istigh den teorainn ama a shonraítear sa chéad fho-mhír, ar chúiseanna nach bhfuil inchurtha i leith an Bhallstáit lena mbaineann, agus má sháraíonn an méid a bheidh le haisghabháil EUR 1 mhilliún, féadfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin don Bhallstát, an teorainn ama a shíneadh go dtí tréimhse suas le leath den tréimhse bhunaidh.

3. Ar chúiseanna cuí-réasúnaithe, féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan aisghabháil a lorg. Ní féidir an cinneadh sin a dhéanamh ach sna cásanna seo a leanas:

- (a) más mó ná an méid atá le haisghabháil na costais iomlána atá ann cheana féin nó na costais is dócha a dhéanfar, measfar gur comhlíonadh an coinníoll sin
 - (i) mura mbeidh an méid atá le haisghabháil ón tairbhí i gcomhthéacs íocaíocht aonair do scéim cúnaimh nó do bheart tacaíochta, gan ús a bheith san áireamh, níos mó na EUR 100 nó
 - (ii) má tá an méid a bheidh le haisghabháil ón tairbhí i gcomhthéacs íocaíochta aonair do scéim cúnaimh v, gan ús a bheith san áireamh, idir EUR 100 agus EUR 150 agus go mbeidh tairseach á cur i bhfeidhm ag an mBallstát lena mbaineann arb ionann í agus an méid a bheidh le haisghabháil faoina dhlí náisiúnta i dtaca le gan dul sa tóir ar fhiacha náisiúnta nó níos airde ná sin.

- (b) mura bhfuil an aisghabháil indéanta de bharr dhócmhainneacht, arna taifeadadh agus arna haithint faoin dlí náisiúnta, an fhéichiúnaí nó na ndaoine a bhfuil freagracht dhlíthiúil orthu as an neamhrialtacht.

I gcás ina nglactar an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo sula gcuirtear an méid atá gan íoc faoi réir na rialacha dá dtagraítear i mír 2, is ar bhuiséad an Aontais a bheidh iarbhairtí airgeadais na neamh-aisghabhála.

4. Cuirfidh na Ballstáit na méideanna atá le híoc acu faoi mhír 2 den Airteagal seo isteach sna cuntais bhliantúla atá le cur chuig an gCoimisiún faoi phointe (c) d'Airteagal 102(1).

Seiceálfaidh an Coimisiún go bhfuil an méid sin déanta, agus déanfaidh sé aon choigeartú is gá sa ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 51.

5. Féadfaidh an Coimisiún, ar fhoráil go bhfuil an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 52(3) leanta aige, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena n-eiseofar mhaoiniú an Aontais suimeanna arna ngearradh ar bhuiséad an Aontais sna cásanna seo a leanas:

- (a) murar chloígh an Ballstát leis na teorainneacha ama dá dtagraítear i mír 1;
- (b) má mheasann sé nach bhfuil bonn cuí leis an gcinneadh atá glactha ag Ballstát gan aisghabháil a lorg de bhun mhír 3;
- (c) má mheasann sé gur toradh an neamhrialtacht nó an easpa aisghabhála ar neamhrialtacht nó faillí arb iad na húdaráis riaracháin nó comhlacht oifigiúil eile de chuid an Bhallstáit is cúis léi.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(2).

Airteagal 55

Forálacha a bhaineann go sonrach le CERT

Íocfar na suimeanna a aisghabhtar tar éis neamhrialtachta nó faillí agus an t-ús ar na suimeanna sin leis an ngníomhaireacht íocaíochta agus cláróidh an ghníomhaireacht iad mar ioncam arna shannadh do CERT sa mhí chéanna a fhaightear an t-airgead.

Nuair a chuirtear buiséad an Aontais chun sochair, mar a thagraítear dó sa chéad mhír, féadfaidh an Ballstát 20 % de na méideanna comhfhreagracha a choimeád mar chostais aisghabhála ar ráta comhréidh, ach amháin i gcás neamhrialtachta nó faillí arb iad údaráis riaracháin nó comhlachtaí oifigiúla eile an Bhallstáit sin is cúis leo.

Airteagal 56

Forálacha a bhaineann go sonrach le CETFT

I gcás ina mbraitear neamhrialtachtaí nó faillí in oibríochtaí forbartha tuaithe nó i gcláir, déanfaidh na Ballstáit coigeartuithe airgeadais lena gcuirfear ar ceal an maoiniú lena mbaineann de chuid an Aontais i bpáirt nó ina iomláine. Cuirfidh na Ballstáit san áireamh na cineálacha neamhrialtachtaí a bhraitear agus a thromchúisí atá siad, agus leibhéal an chaillteanais airgeadais ó thaobh CETFT de.

Déanfar na méideanna de mhaoiniú an Aontais a rinneadh faoi CETFT a chuirtear ar ceal agus na méideanna a aisghabhtar, chomh maith leis an ús ar na méideanna sin, a athdháileadh ar an gclár lena mbaineann. Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit na cistí Aontais a cuireadh ar ceal nó a aisghabhadh a athúsáid le haghaidh oibríochta faoin gclár forbartha tuaithe céanna ar choinníoll nach n-athdháiltear na cistí ar oibríochtaí a bhí faoi réir coigeartaithe airgeadais. Nuair a dhúntar clár forbartha tuaithe, aisíocfaidh an Ballstát na suimeanna arna n-aisghabháil le buiséad an Aontais.

*Airteagal 57***Cumhachtaí an Choimisiúin**

1. Chun a áirithiú go gcuirfeair i bhfeidhm ar bhealach ceart éifeachtúil na forálacha a bhaineann leis na coinníollacha chun íocaíochtaí neamhdhlite agus an t-ús orthu sin a aisghabháil, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115 maidir le hoibleagáidí sonracha a bheidh le comhlíonadh ag na Ballstáit.

2. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na rialacha:

(a) maidir leis na nósanna imeachta chun íocaíochtaí neamhdhlite agus an t-ús orthu sin a aisghabháil, mar a leagtar amach sa Roinn seo agus na nósanna imeachta chun an Coimisiún a choimeád ar an eolas i ndáil le haisghabhálacha atá ar feitheamh;

(b) maidir leis na cineálacha fógra agus cumarsáide a bheidh le déanamh ag na Ballstáit leis an gCoimisiún maidir leis na hoibleagáidí a leagtar amach sa Roinn seo.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

TEIDEAL V

CÓRAIS RIALAITHE AGUS PIONÓIS

CAIBIDIL I

Rialacha ginearálta*Airteagal 58***Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint**

1. Glacfaidh na Ballstáit, faoi chuimsiú CBT, na forálacha reachtacha, rialúcháin agus riaracháin ar fad is gá agus glacfaidh siad aon bhearta eile is gá chun cosaint éifeachtach a áirithiú do leasanna airgeadais an Aontais, go háirithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) dlíthiúlacht agus cirte na n-oibríochtaí a mhaoiníonn na Cístí a sheiceáil;

(b) cosaint éifeachtach a áirithiú i gcoinne calaoise, go háirithe maidir leis na réimsí a mbaineann leibhéal níos airde riosca leo, ar bac í an chosaint sin, ag féachaint do na costais agus do na sochair chomh maith le comhréireacht na mbeart;

(c) neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú;

(d) pionóis a ghearradh atá éifeachtach athchomhairleach agus comhréireach i gcomhréir le dlí an Aontais, nó ina éagmais sin, leis an dlí náisiúnta, agus imeachtaí dlí a thionscnamh chuige sin, de réir mar is gá;

(e) íocaíochtaí neamhdhlite móide ús a aisghabháil, agus imeachtaí dlí a thionscnamh chuige sin de réir mar is gá.

2. Bunóidh na Ballstáit córais éifeachtúla bhainistíochta agus rialaithe chun comhlíonadh na reachtaíochta a rialáonn

scéimeanna tacaíochta an Aontais a áirithiú, arb é atá mar aidhm acu an baol go ndéanfar dochar airgeadais don Aontas a íoslaghdú.

3. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na forálacha arna nglacadh agus faoi na bearta arna ndéanamh faoi mhír 1 agus faoi mhír 2.

Aon choinníollacha a bhunaíonn na Ballstáit mar fhorlíonadh ar na coinníollacha a leagtar síos le rialacha an Aontais maidir le tacaíocht a fháil ó CERT nó ó CETFT, beidh na coinníollacha sin infhíoraithé.

4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na rialacha is gá a ghlacadh d'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Airteagail seo a bhaint amach. Féadfaidh baint a bheith ag na rialacha sin leis an méid seo a leanas:

(a) na nósanna imeachta, na spriocanna, an malartú faisnéise maidir leis na hoibleagáidí mar a leagtar amach iad i mír 1 agus i mír 2 í;

(b) an fógra agus an chumarsáid a bheidh le déanamh ag na Ballstáit leis an gCoimisiún maidir leis na hoibleagáidí a leagtar amach i mír 3.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

*Airteagal 59***Prionsabail ginearálta seiceálacha**

1. Ach amháin nuair a fhoráiltear a mhalairt, aireofar sa chóras arna bhunú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 58(2) seiceáil chórasach riaracháin na n-iarratas ar chabhair agus na n-éileamh íocaíochta. Déanfar an córas sin a fhorlíonadh le seiceálacha ar an láthair.

2. Maidir leis na seiceálacha ar an láthair, glacfaidh an t-údarás atá freagrach a shampla seiceála as measc na n-iarratasóirí ar fad agus beidh cuid den sampla sin randamach chun teacht ar ráta earráide ionadaíoch agus beidh cuid de riosca-bhunaithe, i gcás inarb iomchuí, lena ndíreofar ar na limistéir ina bhfuil an baol is airde go ndéanfar earráidí.

3. Tarraingeoidh an t-údarás atá freagrach suas tuarascáil seiceála ar gach seiceáil ar an láthair.

4. Nuair is iomchuí, déanfar na seiceálacha ar fad ar an láthair dá bhforáiltear i rialacha an Aontais maidir le cabhair talamhaíochta agus tacaíocht talmhaíochta agus tacaíocht forbartha tuaithe an tráth céanna.

5. Áiritheoidh na Ballstáit íosleibhéal seiceálacha ar an láthair is gá chun na rioscaí a bhainistiú go héifeachtach, agus méadóidh siad an leibhéal sin, más gá, nó féadfaidh siad é a laghdú i gcás ina bhfeidhmíonn na córais bhainistíochta agus rialaithe go cuí agus ina bhfuil na rátaí earráide ar leibhéal atá inghlactha.

6. I gcásanna dá bhforáil an Coimisiún ar bhonn pointe (h) d'Airteagal 62(2), Féadfar iarratais ar chabhair agus éilimh ar íocaíocht nó aon teachtaireachtaí eile, aon éilimh eile nó aon iarrataí eile a cheartú agus a choigeartú tar éis iad a chur isteach i gcás earráidí follasacha arna n-aithint ag na húdaráis inniúla, i gcomhréir leis na rialacha dá dtagraítear i bpointe (h) d'Airteagal 62(2).

7. Ach amháin i gcásanna force majeure agus i gcúinsí eisceachtúla, diúltófar d'iarratas ar chabhair nó d'éileamh ar íocaíocht má chuireann an tairbhí nó a ionadaí cosc ar sheiceáil a dhéanamh ar an láthair ach amháin i gcás force majeure agus in imthosca eisceachtúla.

Airteagal 60

Clásal imchémniúcháin

Gan dochar d'fhorálacha sonracha, ní dheonófar aon bhuntáiste dá bhforáiltear faoin reachtaíocht talmhaíochta earnálach i bhfabhar duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a shuifear ina leith gur go saorga a cruthaíodh na dálaí is gá chun na buntáistí sin a fháil, contrártha le cuspóirí na reachtaíochta sin.

Airteagal 61

Comhoiriúnacht scéimeanna tacaíochta chun críocha seiceálacha in earnáil an fhíona

Chun na scéimeanna tacaíochta a chur i bhfeidhm in earnáil an fhíona faoi mar a thagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, áiríteoidh na Ballstáit go bhfuil na nósanna imeachta riaracháin agus rialaithe a chuirtear i bhfeidhm ar na scéimeanna sin ag teacht leis an gcóras comhtháite dá dtagraítear i gCaibidil II den Teideal seo maidir leis na heilimintí seo a leanas:

- (a) an bunachar sonraí ríomhairithe;
- (b) na córais aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta;
- (c) na seiceálacha riaracháin.

Ceadóidh na nósanna imeachta feidhmiú coiteann nó malartú sonraí leis an gcóras comhtháite.

Airteagal 62

Cumhachtaí an Choimisiúin maidir le seiceálacha

1. Chun a áirithiú go gcuirfeadh i bhfeidhm ar bhealach ceart éifeachtúil na seiceálacha agus go ndéanfar comhlíonadh na gcoinníollacha incháilitheachta a fhíorú ar bhealach éifeachtúil comhtháite agus neamh-idirdhealaitheach lena gcosnófar leas airgeadais an Aontais, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115, lena leagtar síos ceanglais bhreise i ndáil le nósanna imeachta custaim, go háirithe iad siúd a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimhir 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ má theastaíonn sin chun an córas a bhainistiú go cuí.

2. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena leagfar síos na rialacha is gá d'fhonn cur i

bhfeidhm aonfhoirmeach na Caibidle seo a bhaint amach san Aontas agus, go háirithe:

- (a) na rialacha maidir le seiceálacha riaracháin agus seiceálacha ar an láthair atá le déanamh ag na Ballstáit maidir le hurramá oibleagáidí, gealltanais agus critéar incháilitheachta a bhaineann le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais;
- (b) na rialacha maidir le híosléibhéal na seiceálacha ar an láthair agus maidir leis an oibleagáid é a mhéadú nó maidir leis an bhféidearthacht go bhféadfaí é a laghdú faoi mar a leagtar amach in Airteagal 59(5);
- (c) na rialacha agus na modhanna maidir le tuairisc a thabhairt ar na seiceálacha agus ar an bhfíorú a rinneadh agus ar thorthaí na seiceálacha agus an fhíoraithe sin;
- (d) na húdaráis atá freagrach as na seiceálacha a dhéanamh ar chomhlíonadh agus an t-ábhar, an mhinicíocht agus an chéim margaíochta a mbeidh feidhm ag na seiceálacha sin ina leith;
- (e) maidir le cnáib dá dtagraítear in Airteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh 1307/2013, rialacha maidir le bearta sonracha rialaithe agus modhanna chun leibhéil teitrihidreacannai-bionóil a chinneadh;
- (f) maidir le cadás dá dtagraítear in Airteagal 56 de Rialachán (AE) Uimh 1307/2013, córas le haghaidh seiceálacha ar na heagraíochtaí formheasta idirchraoibhe;
- (g) maidir le fíon dá dtagraítear in Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, rialacha maidir le limistéir a thomhas, agus rialacha a bhaineann le seiceálacha agus rialacha lena rialaítear na nósanna imeachta airgeadais sonracha chun seiceálacha a fheabhsú;
- (h) na cásanna ina bhféadfar iarratais ar chabhair agus ar íocaíochtaí nó aon teachtaireachtaí eile, aon éilimh eile nó aon iarrataí eile a cheartú nó a choigeartú tar éis iad a chur isteach, amhail dá dtagraítear in Airteagal 59(6);
- (i) na tástálacha agus na modhanna atá le cur i bhfeidhm chun incháilitheacht táirgí a shuíomh le haghaidh idirghabhála poiblí agus stórála príobháidí, mar aon le húsáid nósanna imeachta tairisceana, le haghaidh idirghabhála poiblí agus stórála príobháidí araon.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

Airteagal 63

Íocaíochtaí neamhdhlite agus pionóis riaracháin

1. I gcás ina bhfaightear amach nach gcomhlíonann tairbhí na critéir incháilitheachta, nó na gealltanais nó oibleagáidí eile a bhaineann leis na coinníollacha maidir leis an gcabhair nó leis an tacaíocht a dheonú dá bhforáiltear sa reachtaíocht talmhaíochta earnálach, ní íocfar an chabhair nó tarraingeofar siar an chabhair ina hiomláine nó i bpáirt agus, i gcás inarb ábhartha, ní leithdhálfar na teidlíochtaí íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 21 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 nó tarraingeofar siar iad.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 lena leagtar síos lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

2. Ina theannta sin, nuair a fhoráiltear amhlaidh leis an reachtaíocht talmhaíochta earnálach, cuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm freisin pionóis riaracháin, i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos in Airteagal 64 agus in Airteagal 77. Déanfar sin gan dochar do na forálacha a leagtar amach in Airteagal 91 go hAirteagal 101 de Theideal VI.

3. Gan dochar d'Airteagal 54(3), déanfar na méideanna, lena n-áirítear an t-ús orthu, agus teidlíochtaí fócaíochta a bhaineann leis an tarraingt siar dá dtagraítear i mír 1 agus leis na pionóis dá dtagraítear i mír 2 a aisghabháil.

4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 115 lena leagtar síos na coinníollacha i ndáil le tarraingt siar go páirteach nó go hiomlán dá dtagraítear i mír 1.

5. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha mionsonraithe nós imeachta agus teicniúla maidir leis an méid a leanas:

- (a) an tarraingt siar go páirteach nó go hiomlán dá dtagraítear i mír 1 a chur i bhfeidhm agus a ríomh;
- (b) fócaíochtaí neamhdhlite agus pionóis a aisghabháil agus i ndáil freisin le teidlíochtaí fócaíochta a leithdháiltear go míchuí agus le cur i bhfeidhm úis.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

Airteagal 64

Pionóis riaracháin a chur i bhfeidhm

1. Maidir leis na pionóis riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 63(2), beidh feidhm ag an Airteagal seo i gcás neamhchomhlíonta maidir le critéir incháilitheachta, gealltanais nó oibleagáidí eile de thoradh an reachtaíochta talmhaíochta earnálach a chur i bhfeidhm, cé is moite díobh sin dá dtagraítear in Airteagal 67 go hAirteagal 78 de Chaibidil II den Teideal seo agus in Airteagal 91 go hAirteagal 101 de Theideal VI agus cé is moite díobh sin atá faoi réir na bpionóis dá bhforáiltear in Airteagal 89(3) agus in Airteagal 89(4).

2. Ní fhorchuirfear aon phionóis riaracháin maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) i gcás inarb é force majeure is cúis leis an neamhchomhlíonadh;
- (b) i gcás inarb é is cúis leis an neamhchomhlíonadh earráidí soiléire, dá dtagraítear in Airteagal 59(6);
- (c) i gcás inarb é is cúis leis an neamhchomhlíonadh earráid a rinne an t-údarás inniúil nó údarás eile, agus i gcás nach raibh ar chumas an duine lena mbaineann an pionóis riaracháin an earráid a bhrath go réasúnach;
- (d) i gcás inar féidir leis an duine lena mbaineann a léiriú go sásúil don údarás inniúil nach bhfuil locht air nó uirthi-maidir le neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí dá dtagraítear i mír 1 nó má bhíonn an t-údarás inniúil sásta ar bhealach eile nach bhfuil locht ar an duine lena mbaineann;

(e) i gcás gur mion-neamhchomhlíonadh an neamhchomhlíonadh, lena n-áirítear nuair atá sé i bhfoirm tairisí, a bheidh le socrú ag an gCoimisiún i gcomhréir le pointe (b) de mhír 7;

(f) i gcásanna eile nuair nach mbeadh sé oiriúnach pionós a fhorchur, a bheidh le sainmhíniú ag an gCoimisiún i gcomhréir le pointe (b) de mhír 6.

3. Féadfar pionóis riaracháin a ghearradh ar thairbhí na cabhrach nó na tacaíochta, ar dhaoine nádúrtha nó dlíthiúla eile, lena n-áirítear grúpaí nó comhlachais de tairbhíthe den sórt sin, faoi cheangal na n-oibleagáidí a leagtar síos sna rialacha dá dtagraítear i mír 1.

4. Féadfaidh na pionóis riaracháin a bheith i bhfoirm ceann díobh seo a leanas:

- (a) laghdú i méid na cabhrach nó na tacaíochta a bheidh le híoc maidir leis an iarratas ar chabhair nó maidir leis an éileamh fócaíochta a mbíonn tionchar ag an neamhchomhlíonadh nó ag iarratais bhreise orthu; mar sin féin maidir le tacaíocht forbartha tuaithe, déanfar é sin gan dochar don deis a bheidh ann maidir leis an tacaíocht a fhionraí i gcás inar féidir a bheith ag súil go dtabharfaidh an tairbhí aghaidh ar an neamhchomhlíonadh laistigh de thréimhse réasúnach ama;
- (b) fócaíocht ar mhéid a ríomhfar ar bhonn an mhéid nó a bheidh i gceist leis an neamhchomhlíonadh, nó an dá rud;
- (c) formheas, aitheantas nó údarú a fhionraí nó a tharraingt siar;
- (d) eisiamh ón gceart chun bheith rannpháirteach sa scéim cabhrach nó sa bheart tacaíochta nó ó leas a bhaint astu nó ó bheart eile lena mbaineann;

5. Beidh na pionóis riaracháin i gcomhréir le déine, méid, fad tréimhse agus atarlú an neamhchomhlíonta a aimsítear agus beidh siad céimnithe dá réir, agus cloítear leis na teorainneacha seo a leanas:

- (a) ní bheidh méid an phionóis riaracháin, de réir mar a thagraítear dó i bpointe (a) de mhír 4, níos mó ná 200 % de mhéid na n-iarratas ar chabhair nó na n-éileamh fócaíochta;
- (b) in ainneoin phointe (a), maidir le forbairt tuaithe, ní rachaidh méid an phionóis riaracháin, dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 4, thar 100 % den mhéid incháilithe;
- (c) ní bheidh méid an phionóis riaracháin, de réir mar a thagraítear dó i bpointe (b) de mhír 4, níos mó ná 200 % de mhéid atá inchomparáide leis an gcéatadán dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo;
- (d) féadfar an fionraí, an aistarraingt nó an t-eisiamh, dá dtagraítear i bpointe (c) agus i bpointe (d) de mhír 4 a shocrú d'uastreimhse trí bliana as a chéile, a bhféadfar feidhm a bheith aige arís i gcás aon neamhchomhlíonta nua.

6. Chun go gcuirfí san áireamh ar láimh amháin, éifeacht dhíspreagach muirear agus pionós a bheidh le forchur, agus saintréithe gach scéime cabhraigh nó gach birt tacaíochta a chumhdaítear le reachtaíocht na hearnála talmhaíochta ar an láimh eile, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115 lena sainaitheann:

- (a) gach scéim cabhrach nó gach beart tacaíochta agus duine lena mbaineann dá dtagraítear i mír 3, ón liosta a leagtar amach i mír 4 agus laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i mír 5, an pionós riaracháin agus an ráta sonracha a bheidh le forchur ag na Ballstáit, lena n-áirítear i gcásanna neamhchomhlíonta neamh-inchainníochtaithe;
- (b) na cásanna nach mbeidh na pionóis riaracháin le forchur ina leith, amhail dá dtagraítear i bpointe (f) de mhír 2.

7. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena leagtar síos rialacha níos imeacha agus teicniúla mionsonraithe maidir le cur chun feidhme comhionann an Airteagail seo agus go háirithe:

- (a) rialacha maidir leis na pionóis riaracháin a chur i bhfeidhm agus a ríomh;
- (b) na mionrialacha chun neamhchomhlíonadh a shainiú mar mhion-neamhchomhlíonadh, lena n-áirítear tairseach chainníochtúil a shocú a léirítear mar luach ainmniúil nó mar chéatadán den mhéid incháilithe de chúnamh nó de thacaíocht, nach mbeidh, áfach, níos lú ná 1 %; maidir le tacaíocht don fhorbairt tuaithe, ní bheidh an tairseach sin níos lú ná 3 %;
- (c) na rialacha lena sainaitheann na cásanna ina bhféadfaidh Ballstáit na pionóis a aisghabhfar a choimeád de bharr chineál na bpionós.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

Airteagal 65

Íocaíochtaí do na Ballstáit a chur ar fionraí i gcásanna sonracha a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

1. I gcás ina n-éileofar le Rialachán (AE) Uimhir 1308/2013 ar Bhallstáit faisnéis shonrach a chur isteach laistigh de thréimhse sheasta agus go dteipeann ar na Ballstáit an fhaisnéis sin laistigh den tréimhse sin nó ar chor ar bith nó go seolann siad an fhaisnéis mhícheart, féadfaidh an Coimisiún na híocaíochtaí míosúla dá dtagraítear in Airteagal 18 a chur ar fionraí ar choinníoll gur chuir an Coimisiún an fhaisnéis, na foirmeacha agus na míniúcháin is gá ar fáil do na Ballstáit in am trátha. Bainfidh an méid le cur ar fionraí leis an gcaiteachas i gcomhair na mbeart margaidh nár seoladh an fhaisnéis is gá ina leith nó nár cuireadh í in am nó go raibh sí mícheart.

2. Chun a áirithiú go n-urramófar prionsabal na comhréireachta agus mír 1 á cur i bhfeidhm, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115 maidir leis na bearta

margaidh a thagann faoin bhfionraíocht agus faoin ráta agus faoi thréimhse fionraíochta na n-íocaíochtaí dá dtagraítear i mír 1.

3. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos mionrialacha maidir leis an nós imeachta agus leis na socruithe praiticiúla eile chun íocaíochtaí míosúla a chur ar fionraí i gceart, dá dtagraítear sa chéad mhír. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

Airteagal 66

Urrús

1. Déanfaidh na Ballstáit, nuair a fhoráiltear leis an reachtaíocht talmhaíochta eárnalach amhlaidh, iarratas ar urrús a thaisceadh agus ráthaíocht á tabhairt go n-íocfar suim airgid nó go bhforghéillfeadh í d'údarás inniúil mura gcomhlíonfar oibleagáid ar leith faoi reachtaíocht talmhaíochta eárnalach.

2. Seachas i gcásanna force majeure, forghéillfeadh an t-urrús ina iomláine nó i bpáirt i gcás nach gcuirtear oibleagáid ar leith i gcrích nó mura ndéantar é a chur i gcrích ach i bpáirt.

3. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115 lena leagtar síos rialacha lena n-áirítear cóir neamh-idirdhealaitheach, cothromas agus urramú phrionsabal na comhréireachta nuair a bheidh urrús á thaisceadh agus:

- (a) lena sonraítear an té atá freagrach i gcás nach gcomhlíontar oibleagáid;
 - (b) lena leagtar síos na cásanna sonracha nuair a fhéadfaidh an t-údarás inniúil an gá le hurrús a sholáthar a tharscaoileadh;
 - (c) lena leagtar síos na coinníollacha a bhaineann leis an urrús atá le taisceadh agus leis an ráthóir agus na coinníollacha a bhaineann leis an urrús a thaisceadh agus a scaoileadh;
 - (d) lena leagtar síos na coinníollacha sonracha a bhaineann leis an urrús a thaisctear faoi chuimsiú réamhíocaíochtaí;
 - (e) lena leagtar amach na hiarmhairtí a bhaineann le sárú na n-oibleagáidí dár taisceadh urrús, dá bhforáiltear i mír 1, lena n-áirítear urrúis a fhorghéilleadh, an ráta laghdaithe le cur i bhfeidhm maidir le scaoileadh urrús i gcomhair aísíocaíochtaí, ceadúnas, tairiscintí nó iarratas ar leith agus pionóis airgeadais a íoc nuair nár comhlíonadh oibleagáid a cumhdaíodh leis an urrús sin go páirteach nó go hiomlán, agus cineál na hoibleagáide sin á cur san áireamh, agus an méid lenar sáraíodh an oibleagáid, an tréimhse thar an teorainn ama inar cheart an oibleagáid a chomhlíonadh agus an tráth faoinar tugadh an fhianaise ar láimh gur comhlíonadh an oibleagáid.
4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos rialacha maidir leis an méid seo a leanas:
- (a) an cineál urrúis atá le taisceadh agus an nós imeachta maidir leis an urrús a thaisceadh, maidir le glacadh leis, agus maidir le hurrús nua a chur in ionad an bhunurrúis;

- (b) na nósanna imeachta maidir le hurrús a scaoileadh;
- (c) na fógraí atá le tabhairt ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

CAIBIDIL II

Córas comhtháite riaracháin agus rialaithe

Airteagal 67

Raon feidhme agus na téarmaí a úsáidtear

1. Bunóidh gach Ballstát córas comhtháite riaracháin agus rialaithe (an "córas comhtháite").

2. Beidh feidhm ag an gcóras comhtháite maidir leis na scéimeanna tacaíochta atá liostaithe in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 agus maidir leis an tacaíocht arna deonú i gcomhréir le pointe (a) agus pointe (b) d'Airteagal 21(1), le hAirteagal 28 go 31, 33, Airteagal 34 agus 40 de Rialachán 1305/2013 agus, nuair is infheidhme, pointe (b) agus pointe (c) d'Airteagal 35(1) de Rialachán (AE) RR 1303/2013.

Ní bheidh feidhm ag an gCaibidil seo, áfach, maidir leis na bearta dá dtagraítear in Airteagal 28(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 Ná maidir le bearta faoi phointe (a) agus phointe (b) d'Airteagal 21(1) den Rialachán sin a mhéid a bhaineann le costas an bhunaithe.

3. Beidh feidhm ag an gcóras comhtháite a mhéid is gá maidir leis an tras-chomhlíonadh, faoi mar a leagtar síos i dTeideal VI.

4. Chun críche na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn "dáileacht talmhaíochta" limistéar leanúnach talúin, atá fógartha feirmeoir amháin, agus nach gclúdaítear leis níos mó ná grúpa barra aonair amháin; má éilítear fógartar ar leith áfach maidir le húsáid limistéir laistigh de ghgrúpa barr i gcomhthéacs Rialachán (AE) 3 1307/2013, cuirfear teorainn bhreise leis an úsáid shonrach sin, más gá, ar an dáileacht talmhaíochta; féadfaidh Ballstáit critéir bhreise a leagan síos chun tuilleadh teorannaithe a dhéanamh ar dháileacht talmhaíochta;

(b) ciallaíonn "íocaíocht dhíreach a bhaineann le limistéar" scéim na híocaíochta bunúsaí, an scéim íocaíochta aonair limistéir agus an íocaíocht athdháilte dá dtagraítear i gCaibidil 1 de Theideal III de Rialachán (AE) Uimh 1307/2013, an íocaíocht i leith cleachtas talmhaíochta atá chun leasa na haeraíde agus an chomhshaoil dá dtagraítear i gCaibidil 3 de Theideal III de Rialachán (AE) Uimh 1307/2013, an íocaíocht le haghaidh na limistéar sin a bhfuil srianta nádúrtha iontu mar a thagraítear dó sin i gCaibidil 4 de Theideal III de Rialachán (AE) Uimh 1307/2013, an íocaíocht le haghaidh feirmeoirí óga dá dtagraítear i gCaibidil 4 de Theideal III de Rialachán (AE) Uimh 1307/2013, an tacaíocht chúpláilte dheonach a íoctar in aghaidh an heicteáir dá dtagraítear i gCaibidil 1 de

Theideal IV, an íocaíocht a bhaineann le barra sonrach i gcás cadáis dá dtagraítear i gCaibidil 2 de Theideal IV, scéim na bhfeirmeoirí beaga dá dtagraítear i dTeideal V de Rialachán (AE) 1307/2013 agus bearta sonracha talmhaíochta sna réigiúin is forimeallaí den Aontas dá dtagraítear i gCaibidil IV de Rialachán (CE) 228/2013 ⁽¹⁾, áit a n-íoctar tacaíocht in aghaidh an heicteáir, agus bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán Aeigéach is lú dá dtagraítear i gCaibidil IV de Rialachán (AE) 229/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, áit a n-íoctar tacaíocht in aghaidh an heicteáir.

Airteagal 68

Eilimintí den chóras comhtháite

1. Beidh na heilimintí seo a leanas sa chóras comhtháite:

- (a) bunachar sonraí ríomhairithe;
- (b) córas aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta;
- (c) córas chun teidlíochtaí íocaíochta a aithint agus a chlárú;
- (d) iarratais ar chabhair agus éilimh ar íocaíocht;
- (e) córas comhtháite rialaithe;
- (f) córas aonair chun taifeadadh a dhéanamh ar chéannacht gach tairbhí den tacaíocht dá dtagraítear in Airteagal 67(2) a chuireann isteach iarratas ar chabhair nó éileamh íocaíochta.

2. I gcás inarb infheidhme, áireofar sa chóras comhtháite córas arna shuíomh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ agus Rialachán (CE) Uimh. 21/2004 ón gComhairle ⁽⁴⁾, chun ainmhithe a aithint agus a chlárú

3. Gan dochar d'fhreagrachtaí na mBallstát maidir leis an gcóras comhtháite a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Coimisiún cabhair a lorg ó chomhlachtaí speisialaithe nó ó dhaoine speisialaithe chun suíomh, faireachán agus oibriú an chórais comhtháite a éascú, go háirithe d'fhonn comhairle theicniúil a sholáthar d'údarais inniúla na mBallstát, i gcás ina n-iarrfadh siad é.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 247/2006 (IO L 78, 20.3.2013, lch. 23).

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena nglactar bearta sonracha don talmhaíocht i gcomhair na n-oileán Aeigéach beag agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1405/2006 (IO L 78, 20.3.2013, lch. 41).

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Iúil 2000 lena mbunaítear córas chun bó-ainmhithe a shainathint agus a chlárú agus maidir le mairteoil agus táirgí mairteola a lipéadú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 820/97 ón gComhairle (IO L 204, 11.8.2000, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 21/2004 an 17 Nollaig 2003 lena mbunaítear córas chun ainmhithe caorach agus gabhair a shainathint agus a chlárú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 agus Treoir 92/102/CEE agus Treoir 64/432/CEE (IO L 5, 9.1.2004, lch. 8).

4. Glacfaidh Ballstáit gach beart breise a mbeidh gá leis chun an córas comhtháite a chur i bhfeidhm i gceart agus tabharfaidh siad an cúnamh frithpháirteach is gá chun críocha na rialuithe a éilítear faoin Rialachán seo.

Airteagal 69

Bunachar sonraí ríomhairithe

1. Déanfar taifeadadh sa bhunachar sonraí ríomhairithe ("an bunachar sonraí"), i gcás gach tairbhí den tacaíocht dá dtagraítear in Airteagal 67(2), ar na sonraí a fhaightear ó iarratais ar chabhair agus ó éilimh íocaíochta.

Leis an mbunachar sonraí, féadfar na sonraí a bhaineann leis na blianta féilire agus/nó blianta margaíochta reatha agus na deich mbliana den sórt sin roimhe a cheadú trí údarás inniúil an Bhallstáit. Nuair a théann na sonraí a bhaineann le bliain féilire agus/nó le bliain margaíochta níos luaithe gion ar an leibhéal tacaíochta do na feirmeoirí, ag tosú in 2000, beifear in ann leis an mbunachar sonraí freisin na sonraí a bhaineann leis na blianta a cheadú. Ceadófar leis an mbunachas sonraí freisin go díreach, láithreach na sonraí a bhaineann leis na ceithre bliana féilire roimhe as a chéile ar a laghad, agus maidir le sonraí a bhaineann le "féarach buan" dá sonraítear i bpointe (c) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimhir 1120/2009⁽¹⁾ ón gCoimisiún ina leagan bunaidh agus, do thréimhsí amhail óna dháta cur i bhfeidhm agus le, "tailte féaraigh buana agus féarach buan" amhail a shonraítear i bpointe (h) d'Airteagal 4(1) de Rialachán 1307/2013, a bhaineann leis na cúig bliana féilire roimhe as a chéile ar a laghad.

De mhaolú ar an dara fómhír, ní éileofar ar na Ballstáit a d'aontaigh leis an Aontas in 2004, nó níos déanaí, a áirithiú go mbeifear in ann na sonraí a cheadú ach ó bhliain a n-aontachais.

2. Féadfaidh na Ballstáit bunachair shonraí dhíláráithe a bhunú ar choinníoll go ndeantar na bunachair shonraí sin, mar aon leis na nósanna imeachta maidir le sonraí a thaifeadadh agus rochtain a fháil orthu, ar bhonn aonchineálach ar fud chríoch an Bhallstáit agus ar choinníoll go bhfuil siad ag luí lena chéile ionas gur féidir cros-seiceálacha a dhéanamh.

Airteagal 70

Córas aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta

1. Bunófar an córas aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta ar bhonn léarscáileanna, ar dhoiciméad de chuid chlárann na talún nó ar thagairtí cartagrafacha eile. Bainfead úsáid teicnící a úsáidfead bunaithe ar chóras ríomhairithe um fhaisnéis gheografach, lena n-áirítear orta-íomhánna aeróige nó spásúil, le caighdeán aonchineálach a ráthaíonn cruinneas atá comhionann ar a laghad le cartagrafaíocht ar scála 1: 10 000 agus, ó 2016 ar aghaidh, ar scála 1:5 000, agus imlíne agus riocht na dáileachta á gcur san áireamh. Socrófar é sin i gcomhréir leis na caighdeáin de chuid an Aontais atá ann cheana.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1120/2009 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir leis an scéim íocaíochta aonair a chur chun feidhme dá bhforáiltear i dTeideal III de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle lena mbunaítear comhrialacha do scéimeanna tacaíochta díri faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus lean mbunaítear scéimeanna áirithe tacaíochta le haghaidh feirmeoirí (IO L 316, 2.12.2009, lch. 1).

D'ainneoin na chéad fhomhíre, féadfaidh na Ballstáit leanúint d'úsáid a bhaint as na teicnící sin lena n-áirítear orta-íomhánna aeróige nó spásúla, le caighdeán aonchineálach a ráthaíonn cruinneas atá comhionann ar a laghad le cartagrafaíocht ar scála 1:10 000, a fhaightear ar bhonn conarthaí fadtéarmacha a tugadh chun críche roimh Shamhain 2012.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh brat tagartha sa chóras aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta chun freastal ar limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht. Cumhdófar leis an tsraith thagartha sin, go háirithe na ceanglais shonracha áirithe agus/nó na scéimeanna deimhniúcháin comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 43(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 atá coibhéseach leis na cleachtais in Airteagal 46 den Rialachán sinsula gcuirfead ar fáil do bhliain éilimh 2018 ar a dhéanaí na foirmeacha iarratais dá dtagraítear in Airteagal 72 den Rialachán seo maidir le híocaíochtaí le haghaidh cleachtas talmhaíochta atá chun leasa na haeráide agus an chomhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 43 go 46 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.

Airteagal 71

Córas chun teidlíochtaí íocaíochta a aithint agus a chlárú

1. Faoin gcóras chun teidlíochtaí íocaíochta a aithint agus a chlárú, beifear in ann na teidlíochtaí a fhíorú agus cros-seiceálacha a dhéanamh leis na hiarratais ar chabhair agus leis an gcóras aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta.

2. Leis an gcóras dá dtagraítear i mír 1, féadfar na sonraí a bhaineann leis na ceithre bliana féilire roimhe sin ar a laghad a cheadú go díreach agus ar an bpointe trí údarás inniúil an Bhallstáit.

Airteagal 72

Iarratais ar chabhair agus éilimh íocaíochta

1. Gach bliain, cuirfidh tairbhí den tacaíocht dá dtagraítear in Airteagal 67(2) iarratas isteach ar íocaíochtaí díreacha nó éileamh íocaíochta don limistéar ábhartha agus do na bearta forbartha tuaithe a bhaineann le hainmhithe agus luafar ann, nuair is infheidhme:

- na dáileachtaí talmhaíochta ar fad ar an ngabháltas, mar aon leis an limistéar neamhthalmhaíochta a n-éilítear tacaíocht dó i gcomhréir le hAirteagal 67(2);
- na teidlíochtaí íocaíochta a dhearbhaítear le haghaidh gníomhachtú;
- faisnéis ar bith eile dá bhforáiltear sa Rialachán seo nó a cheanglaítear d'fhonn an reachtaíocht talmhaíochta earnálach ábhartha a chur chun feidhme nó a éilíonn an Ballstát lena mbaineann.

Maidir leis an íocaíocht dhíreach a bhaineann le limistéar, déanfaidh gach Ballstát an t-íosmhéid a chinneadh maidir leis na dáileachtaí talmhaíochta ar féidir iarratas a dhéanamh ar a son. Mar sin féin, ní bheidh an t-íosmhéid sin níos mó ná 0.3 heicteár.

2. De mhaolú ar phointe (a) de mhír 1, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach gá dáileachtaí talmhaíochta de suas le 0,1 ha nár rinneadh iarratas ar íocaíocht ina leith a fhógairt ar choinníoll nach mó ná 1 ha é méid na ndáileachtaí sin, agus/nó féadfaidh siad a chinneadh nach gá d'fheirmeoir nach gcuireann iarratas isteach ar aon íocaíocht dhíreach a bhaineann le limistéar a chuid dáileachtaí talmhaíochta a fhógairt i gcás nach mó ná 1 ha an limistéar iomlán. I ngach cás, cuirfidh an feirmeoir sin in iúl ina iarratas go bhfuil dáileachtaí talmhaíochta faoina réir aige agus, arna iarraidh sin do na húdaráis inniúla, cuirfidh sé suíomh na ndáileachtaí sin in iúl.

3. Soláthróidh na Ballstáit, inter alia, trí mheán leictreonach, foirmeacha réamhshuite bunaithe ar na limistéir a cinneadh an bhliain roimhe sin mar aon le hábhar grafach a léiríonn cá bhfuil na limistéir sin.

Féadfaidh Ballstát a chinneadh go bhfuil an t-iarratas ar chabhair agus an t-éileamh ar íocaíocht:

(a) bailí má dhearbhaíonn an tairbhí nach ann d'athruithe i gcomparáid leis an iarratas ar chabhair agus leis an éileamh ar íocaíocht a cuireadh isteach an bhliain roimhe,

(b) nach bhfuil gá le hathruithe ach amháin i gcomparáid leis an iarratas ar chabhair agus leis an éileamh ar íocaíocht a cuireadh isteach don bhliain roimhe.

Mar sin féin, maidir le scéim na bhfeirmeoirí beaga dá bhforáiltear i dTeideal V de Rialachán (AE)Uimh. 1307/2013, tabharfar an deis sin do na feirmeoirí ar fad lena mbaineann.

4. Féadfaidh Ballstát a chinneadh go gcumhdófar le hiarratas amháin roinnt scéimeanna tacaíochta agus bearta nó na scéimeanna tacaíochta nó bearta ar fad dá dtagraítear in Airteagal 67 nó scéimeanna tacaíochta agus bearta eile.

5. De mhaolú ar Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71 ón gComhairle ⁽¹⁾, cuirfear in oiriúint do riachtanais shonracha an chórais chomhtháite ríomh an dáta faoina gcaithfear iarratas ar chabhair, éileamh ar íocaíocht nó aon doiciméid tacaíochta eile a thíolacadh nó a leasú. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115 maidir le rialacha is infheidhme maidir le tréimhsí, dátaí agus teorainneacha ama nuair is lá saoire poiblí, an Satharn, nó an Domhnach é an dáta deiridh le haghaidh iarratais nó leasuithe a thíolacadh.

Airteagal 73

Córas chun tairbhíthe a aithint

Ráthófar leis an gcóras aonair chun céannacht gach tairbhí den tacaíocht dá dtagraítear in Airteagal 68(2) a thaifeadadh, gur féidir na hiarratais ar chabhair agus na héilimh íocaíochta ar fad a chuireann an tairbhí céanna isteach a aithint amhlaidh.

⁽¹⁾ Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71 ón gComhairle an 3 Meitheamh 1971 lena sonraítear na rialacha a bhaineann le tréimhsí, dátaí agus teorainneacha ama (IO L 124, 8.6.1971, lch. 1).

Airteagal 74

Coinníollacha incháilitheachta agus laghduithe a fhíorú

1. I gcomhréir le hAirteagal 59, déanfaidh na Ballstáit, tríd na gníomhaireachtaí íocaíochta nó na comhlachtaí atá údaraithe acu le gníomhú ar a son, seiceálacha riaracháin ar an iarratas ar chabhair chun na coinníollacha incháilitheachta don chabhair sin a fhíorú. Déanfar seiceálacha ar-an-láthair le cois na seiceálacha sin.

2. Chun críche na seiceálacha ar an láthair, tarraingeoidh na Ballstáit suas plean samplála de na gabháltais talmhaíochta agus/nó de na tairbhíthe.

3. Féadfaidh na Ballstáit teicnící cianbhraiteachta agus teicnící an Chórais Dhomhanda um Loingseoireacht Satailíte a úsáid chun seiceálacha ar an láthair a dhéanamh ar dháileachtaí talmhaíochta.

4. I gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha incháilitheachta, beidh feidhm ag Airteagal 63.

Airteagal 75

Íocaíocht le tairbhíthe

1. Déanfar na híocaíochtaí faoi na scéimeanna tacaíochta agus bearta dá dtagraítear in Airteagal 67(2) sa tréimhse idir an 1 Nollaig agus an 30 Meitheamh sa bhliain féilire dar gcionn.

Déanfar na híocaíochtaí in dhá thráthchuid ar a mhéad sa tréimhse sin.

D'ainneoin an chéad fhomhír agus an dara fhomhír, féadfaidh na Ballstáit, roimh an 1 Nollaig ach ní roimh an 16 Deireadh Fómhair, réamhíocaíochtaí suas le 50 % a dhéanamh i leith na n-íocaíochtaí díreacha agus suas le 75 % i leith na tacaíochta a deonaíodh faoi fhorbairt tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 67(2).

Maidir le tacaíocht a deonaíodh faoi fhorbairt tuaithe, dá dtagraítear in Airteagal 67(2), beidh feidhm ag an mír seo leis na hiarratais ar chabhair nó leis na héilimh ar íocaíocht a chuirtear isteach amháin an bhliain éilimh 2018, seachas maidir le réamhíocaíochtaí suas le 75 % a íoc, dá bhforáiltear sa tríú fhomhír den mhír seo.

2. Ní dhéanfar na híocaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 sula mbeidh fíorú chomhlíonadh na gcoinníollacha incháilitheachta, a bheidh ar na Ballstáit a dhéanamh de bhun Airteagal 74, tugtha chun críche.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfar réamhíocaíochtaí le haghaidh tacaíochta a dheonaítear faoi fhorbairt tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 67(2) a íoc tar éis na seiceálacha riaracháin de bhun Airteagal 59(1) a bheith tugtha chun críche.

3. I gcás éigeandála, déanfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme is gá agus a mbeidh údar leo i gcás éigeandála a ghlacadh chun fadhbanna sonracha a réiteach maidir leis an Airteagal seo a chur i bhfeidhm ar choinníoll go bhfuil na gníomhartha sin riachtanach agus inchosanta araon. D'fhéadfadh maolú ar mhír 1 agus ar mhír 2 a bheith i gceist leis na gníomhartha cur chun feidhme sin, ach ní thiocfaidh sé i bhfeidhm ach a mhéad agus a fhad a mbeidh fíorghá leis.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

Airteagal 76

Cumhachtaí tarmligthe

1. Chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm an córas comhtháite dá bhforáiltear sa Chaibidil seo ar bhealach éifeachtúil comhleanúnach agus neamh-idirdhealaitheach a chosnaíonn leasanna airgeadais an Aontais, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115 maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) na sainmhínte sonracha is gá chun cur chun feidhme comhchuibhithe an chórais chomhtháite a áirithiú de bhreis ar na cinn sin dá bhforáiltear in Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013;
- (b) maidir le hAirteagail 67 go 75, rialacha maidir le bearta breise is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar na riachtanas rialaithe a leagtar síos sa Rialachán seo nó sa reachtaíocht talmhaíochta eárnála le glacadh ag na Ballstáit i dtaca le tairgeoirí, seirbhísí, comhlachtaí, eagraíochtaí nó oibreoirí eile, amhail seamlais nó comhlachais a bhfuil baint acu leis an nós imeachta maidir le cabhair a dheonú, i gcás nach bhforáiltear leis an Rialachán seo do phionóis ábhartha riaracháin; leanfaidh na bearta sin, a mhéad is féidir, *mutatis mutandis*, na forálacha maidir le pionóis a leagtar amach i míreanna (1) go (5) d'Airteagal 77.

2. Chun a áirithiú go ndáiltear na cistí ó na hiarratais ar chabhair dá bhforáiltear in Airteagal 72 i gceart ar na tairbhíthe atá i dteideal iad a fháil agus chun go bhféadfar a fhíorú go gcomhlíonann na tairbhíthe sin na hoibleagáidí a bhaineann leis na hiarratais sin, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115 maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) na tréithe bunúsacha, na rialacha teicniúla, lena n-áirítear iad siúd maidir le corrlaigh lamháiltais iomchuí na ndáileachtaí tagartha a nuashonrú, agus imlíne agus riocht na dáileachta á gcur san áireamh, agus lena n-áirítear rialacha maidir le tréithe tírdhreacha atá lonnaithe cóngarach do dháileacht a áireamh, agus ceanglais cháilíochta maidir leis an gcóras aitheantais do dháileachtaí talmhaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 70 agus maidir leis na tairbhíthe a shainnithint dá bhforáiltear in Airteagal 73;
- (b) na tréithe bunúsacha, na rialacha teicniúla agus na ceanglais cháilíochta don chóras um theidlíochtaí íocaíochta a aithint agus a chlárú dá bhforáiltear in Airteagal 71;
- (c) rialacha chun go mbunófar sainmhíniú ar an mbonn le cabhair a ríomh, lena n-áirítear rialacha maidir leis an gcaoi le déileáil le cásanna áirithe ina bhfuil gnéithe tírdhreacha nó crainn sna limistéir incháilithe; ar choinníoll go ligear le rialacha den sórt sin do Bhallstáit, i ndáil le limistéir atá faoi fhéarach buan, tréithe tírdhreacha scaipthe agus crainn scaipthe, nach bhfuil a n-achar

iomlán níos mó ná céatadán áirithe na dáileachta tagartha, a mheas mar chuid uathoibríoch den limistéir incháilithe gan ceanglas iad a mhapáil chun na críche sin.

Airteagal 77

Pionóis riaracháin a chur i bhfeidhm

1. Maidir leis na pionóis riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 63(2), beidh feidhm ag an Airteagal seo i gcás neamhchomhlíonadh maidir le critéir incháilitheachta, le gealltanais nó le hoibleagáidí eile de thoradh chur i bhfeidhm na rialacha maidir leis an tacaíocht dá dtagraítear in Airteagal 68(2).

2. Ní fhorchuirfear aon phionóis riaracháin sna cásanna seo a leanas:

- (a) i gcás inarb é *force majeure* is cúis leis an neamhchomhlíonadh;
- (b) i gcás inarb é is cúis leis an neamhchomhlíonadh earráidí soiléire, dá dtagraítear in Airteagal 59(6);
- (c) i gcás inarb é is cúis leis an neamh-chomhlíonadh earráid a rinne an t-údarás inniúil nó údarás eile, agus i gcás nach raibh ar chumas an duine lena mbaineann an pionós riaracháin an earráid a bhrath go réasúnach;
- (d) i gcás inar féidir leis an duine lena mbaineann a léiriú go sásúil don údarás inniúil nach bhfuil locht air nó uirthi maidir le neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí dá dtagraítear i mír 1 nó má bhíonn an t-údarás inniúil sásta ar bhealach eile nach bhfuil locht ar an duine lena mbaineann;
- (e) i gcás gur mion-neamhchomhlíonadh an neamhchomhlíonadh, lena n-áirítear nuair atá sé i bhfoirm tairsí, a bheidh le socrú ag an gCoimisiún i gcomhréir le pointe (b) de mhír 7
- (f) i gcásanna eile nuair nach mbeadh sé oiriúnach pionós a fhorchur, a bheidh le sainmhíniú ag an gCoimisiún i gcomhréir le pointe (b) de mhír 7.

3. Féadfar pionóis riaracháin a fhorchur ar thairbhí na cabhrach nó na tacaíochta, lena n-áirítear grúpaí nó comhlachais díobh, a bheidh faoi cheangal na n-oibleagáidí a leagtar síos sna rialacha dá dtagraítear i mír 1.

4. D'fhéadfadh na pionóis riaracháin a bheith i bhfoirm ceann díobh seo a leanas:

- (a) laghdú i méid na cabhrach nó na tacaíochta a íocadh nó a bheidh le híoc maidir leis na hiarratais ar chabhair nó maidir leis na héilimh ar íocaíocht a mbeidh tionchar ag an neamhchomhlíonadh orthu agus/nó maidir le hiarratais ar chabhair nó éilimh ar íocaíocht i leith blianta roimhe nó ina dhiaidh;
- (b) íocaíocht ar mhéid a ríomhfar ar bhonn na cainníochta agus/nó an tréimhse a bheidh i gceist leis an neamhchomhlíonadh;
- (c) eisiamh ón gceart chun bheith rannpháirteach sa scéim cabhrach nó sa bheart tacaíochta lena mbaineann.

5. Beidh na pionóis riaracháin i gcomhréir le déine, méid, fad tréimhse agus atarlú an neamhchomhlíonta a aimsítear agus beidh siad céimnithe dá réir, agus urramófar leo na teorainneacha seo a leanas:

- (a) ní bheidh méid an phionóis riaracháin do bhliain áirithe, dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 4, níos mó ná 100 % de mhéideanna na n-iarratas ar chabhair;
- (b) ní bheidh méid an phionóis riaracháin do bhliain áirithe, dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 4, níos mó ná 100 % de mhéid na n-iarratas ar chabhair nó na n-éileamh ar íocaíocht a gcuirfear an pionós i bhfeidhm maidir leo;
- (c) féadfar an t-eisiamh dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 4 a shocrú ag uasmhéid de thrí bliana as a chéile, a bhféadfar feidhm a bheith aige arísí gcás aon neamhchomhlíonta nua.

6. D'ainneoin mhír 4 agus mhír 5, maidir leis an íocaíocht dá dtagraítear i gCaibidil 3 de Theideal III de Rialachán (AE) Uimhir 1307/2013, is i bhfoirm laghdaithe i méid na n-íocaíochtaí a dhéanfar faoin Rialachán sin a bheidh na pionóis riaracháin.

Beidh na pionóis riaracháin dá dtagraítear sa mhír seo i gcomhréir le déine, méid, ré agus atarlú an neamhchomhlíonta a aimseofar agus beidh siad céimnithe dá réir.

Ní bheidh méid na bpionós riaracháin sin níos mó ná 0 % don chéad dá bhliain a chuirfear i bhfeidhm Caibidil 3 de Theideal III de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 (blianta éilimh 2015 agus 2016), 20 % don tríú bliain feidhme (bliain éilimh 2017) agus 25 % ag tosú leis an gceathrú bliain feidhme (bliain éilimh 2018), de mhéid na híocaíochta dá dtagraítear i gCaibidil 3 de Theideal III de Rialachán (AE) Uimhir 1307/2013 a mbeadh an feirmeoir lena mbaineann ina teideal dá gcomhlíonadh an feirmeoir na coinníollacha don íocaíocht sin.

7. Chun go gcuirfí san áireamh ar láimh amháin, éifeacht dhíspreagach pionós a bheidh le forchur, agus saintréithe gach scéime cabhraigh nó gach birt tacaíochta ar an láimh eile dá dtagraítear in Airteagal 67(2), tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115 lena sainaithear:

- (a) gach scéim cabhrach nó gach beart tacaíochta agus duine lena mbaineann dá dtagraítear i mír 3, ón liosta a leagtar amach i mír 4 agus laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i mír 5 agus i mír 6, an pionós riaracháin agus an ráta sonracha a bheidh á fhorchur ag Ballstáit, lena n-áirítear i gcásanna neamhchomhlíonta neamh-íochtaí;
- (b) cásanna nach bhforchuirfear na pionóis riaracháin ina leith, dá dtagraítear i bpointe (f) de mhír 2.

8. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena leagtar síos rialacha níos imeachta mionsonraithe agus rialacha teicniúla mionsonraithe maidir le feidhmiú an Airteagail seo i dtaca le:

- (a) rialacha maidir leis na pionóis riaracháin a chur i bhfeidhm agus a ríomh;
- (b) na rialacha mionsonraithe chun neamhchomhlíonadh a shainiú mar mhion-neamhchomhlíonadh, lena n-áirítear tairseach chainníochtúil a shocrú a léirítear mar luach ainmniúil nó mar chéatadán den mhéid incháilithe de chúnamh nó de thacaíocht, nach mbeidh, áfach, níos lú ná 0,5 %.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

Airteagal 78

Cumhachtaí cur chun feidhme

Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos an méid seo a leanas:

- (a) na tréithe bunúsacha, rialacha teicniúla agus ceanglais cháilíochta don bhunachar sonraí ríomhairithe dá bhforáiltear in Airteagal 69;
- (b) rialacha maidir leis an iarratas ar chabhair agus na héilimh íocaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 72, agus iarratais ar theidlíochtaí íocaíochta, lena n-áirítear an dáta deiridh chun iarratais a chur isteach, na ceanglais maidir leis an íosmhéid faisnéise atá le háireamh in iarratais, forálacha maidir le leasuithe nó maidir le hiarratais ar chabhair a aistarraingt, díolúine ón ngá le hiarratas ar chabhair a chur isteach, agus forálacha a ligeann do na Ballstáit nósanna imeachta simplithe a chur i bhfeidhm nó a ligeann dóibh earráidí follasacha a cheartú;
- (c) rialacha maidir le seiceálacha a dhéanamh chun a fhíorú go gcomhlíontar oibleagáidí agus cruinneas agus sláine na faisnéise a chuirtear ar fáil san iarratas ar chabhair nó san éileamh íocaíochta, lena n-áirítear rialacha maidir le lamháltais tomhais do na seiceálacha ar an láthair;
- (d) na sonraíochtaí teicniúla is gá chun an Chaibidil seo a chur chun feidhme go haonfhoirmeach;
- (e) rialacha maidir le cásanna ina n-aistrítear gabháltais agus ina n-aistrítear aon oibleagáid a bhaineann le hincháilitheacht i ndáil leis an gcabhair i dtrácht, ar oibleagáid í is gá a chomhlíonadh fós;
- (f) rialacha maidir leis na réamhíocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 75 a íoc.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

CAIBIDIL III

Grinnscrúdú ar idirbhearta

Airteagal 79

Raon feidhme agus sainmhínte

1. Leagtar síos sa Chaibidil seo rialacha sonracha maidir le grinnscrúdú a dhéanamh ar dhoiciméid tráchtála na n-einteach sin a fhaigheann íocaíochtaí nó a dhéanann íocaíochtaí a bhaineann go díreach nó go hindíreach le córas maoinithe CERT nó a n-ionadaithe, ('gnóthais') chun a fháil amach ar cuireadh chun críche idirbhearta atá mar chuid de chóras maoinithe CERT agus an ndearnadh i gceart iad.

2. Ní bheidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta a chumhdófar leis an gcóras comhtháite dá dtagraítear i gCaibidil II den Teideal seo. D'fhonn freagairt d'athruithe sa reachtaíocht earnálach talmhaíochta agus chun éifeachtúlacht sa chóras rialuithe ex post a bhunaítear sa Chaibidil seo a áirithiú, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115 lena mbunófar liosta de bhearta nach n-oireann do rialuithe breise ex post trí dhoiciméid tráchtála a ghrinnscrúdú, de bharr a ndeartha agus a gceanglas rialaithe, agus dá bhrí sin, níl siad le bheith faoi réir grinnscrúdaithe den sórt sin faoin gCaibidil seo.

3. Chun críche na Caibidle seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (a) ciallaíonn "doiciméad tráchtála" na leabhair, na cláir, na dearbháin agus na doiciméid tacaíochta, na cuntais, na taifid táirgthe agus cháilíochta agus an comhfhreagras a bhaineann le gníomhaíocht gnó an ghnóthais, mar aon le sonraí tráchtála, pé cló a bheidh orthu, lena n-áirítear sonraí a stóráiltear go leictreonach, a mhéid a bhaineann na doiciméid nó na sonraí sin go díreach nó go hindíreach leis na hidirbhearta dá dtagraítear i mír 1;
- (b) ciallaíonn 'tríú páirtí' aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bainteach go díreach nó go hindíreach le hidirbhearta a dhéanann CERT laistigh den chóras maoinithe.

Airteagal 80

Grinnscrúdú ó na Ballstáit

1. Déanfaidh na Ballstáit grinnscrúdú córasach ar dhoiciméid tráchtála na ngnóthas, agus cuirfidh siad san áireamh na cineálacha idirbheart a bhfuil grinnscrúdú le déanamh orthu. Áiritheoidh na Ballstáit go ráthófar le rogha na ngnóthas a bhfuil grinnscrúdú le déanamh orthu, a mhéid is féidir, éifeachtacht na mbearta chun neamhrialtachtaí a bhrath agus a chosc. Cuirfear san áireamh sa rogha, inter alia, an tábhacht a bhaineann leis na gnóthais sa chóras sin ó thaobh airgeadais de, agus fachtóirí riosca eile.

2. Nuair is iomchuí, leathnófar an grinnscrúdú dá bhforáiltear i mír 1 chun daoine nádúrtha agus dlítheanacha a luaitear gnóthais leo a áireamh, agus chun daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile a áireamh a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 81 a bhaint amach.

3. Ní dhéanfaidh an grinnscrúdú a dhéanfar de bhun na Caibidle seo dochar do na seiceálacha a dhéanfar de bhun Airteagal 47 agus Airteagal 48.

Airteagal 81

Cuspóirí an ghrinnscrúdaithe

1. Fíorófar cruinneas na bpríomhshonraí atá faoi ghrinnscrúdú trí roinnt cros-seiceálacha a dhéanamh lena n-áirítear, nuair is gá, doiciméid tráchtála tríú páirtithe a oireann don leibhéal riosca atá i gceist, lena n-áirítear:

- (a) comparáidí le doiciméid tráchtála soláthróirí, custaiméirí, iompróirí agus tríú páirtithe eile;
- (b) seiceálacha fisiciúla, nuair is iomchuí, ar chainníocht agus ar chineál na stoc;
- (c) comparáid le taifid na sreafaí airgeadais is bunús leis na hidirbhearta a dhéanann CERT laistigh den chóras maoinithe, nó atá mar thoradh orthu; agus
- (d) seiceálacha, i ndáil le leabharchoimeád, nó taifid ar ghluaiseachtaí airgeadais a léiríonn, tráth an ghrinnscrúdaithe, gur doiciméid chruinne iad na doiciméid atá i seilbh na gníomhaireachta íocaíochta mar údar leis an gcabhair a íoctar leis an tairbhí.

2. Go háirithe, i gcás ina gceanglaítear ar ghnóthais taifid leabhair ar leith a choinneáil ar stoc i gcomhréir le forálacha an Aontais nó le forálacha náisiúnta, áireofar i ngrinnscrúdú na dtaifead sin, i gcásanna iomchuí, comparáid leis na doiciméid tráchtála agus, nuair is iomchuí, leis na cainníochtaí iarbhrí atá i stoc.

3. I rogha na n-idirbheart atá le seiceáil, cuirfear an leibhéal riosca atá ann san áireamh ina iomláine.

Airteagal 82

Rochtain ar dhoiciméid tráchtála

1. Áiritheoidh na daoine atá freagrach as an ngnóthas, nó tríú páirtí, go soláthraítear na doiciméid tráchtála ar fad agus an fhaisnéis bhreise do na hoifigigh atá freagrach as an ngrinnscrúdú nó do na daoine atá údaraithe chun é a dhéanamh ar a son. Soláthrófar na sonraí a stóráiltear go leictreonach ar mheán iomchuí um thacaíocht sonraí.

2. Féadfaidh na hoifigigh atá freagrach as an ngrinnscrúdú, nó na daoine atá údaraithe chun é a dhéanamh ar a son., a cheangal go soláthrófar sleachta as na doiciméid nó cóipeanna de na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 dóibh.

3. I gcás ina meastar, le linn an ghrinnscrúdaithe a dhéantar de bhun na Caibidle seo, nach bhfuil na doiciméid tráchtála arna gcoimeád ag an ngnóthas leordhóthanach chun críoch grinnscrúdaithe, iarrfar ar an ngnóthas na taifid a theastaíonn ón mBallstát atá freagrach as an ngrinnscrúdú a choimeád amach anseo, gan dochar do na hoibleagáidí a leagtar síos i Rialacháin eile maidir leis an earnáil lena mbaineann.

Cinnfidh na Ballstáit an dáta ar a mbeidh na taifid sin le suíomh.

I gcás ina bhfuil na doiciméid tráchtála ar fad a cheanglaítear a ghrinnscrúdú de bhun na Caibidle seo, ag gnóthas atá sa ghrúpa tráchtála céanna, sa chomhpháirtíocht chéanna nó sa chomhlachas gnóthas céanna, arna mbainistiú ar bhonn aontaithe, leis an ngnóthas ar a bhfuil grinnscrúdú á dhéanamh, is cuma an bhfuil sé lonnaithe laistigh de chríoch an Aontais nó lasmuigh di, cuirfidh an gnóthas na doiciméid tráchtála sin ar fáil do na hoifigigh atá i mbun an ghrinnscrúdaithe, ag áit agus ag am a bheidh le cinneadh ag an mBallstát atá freagrach as an ngrinnscrúdú a dhéanamh.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na hoifigigh atá freagrach as an ngrinnscrúdú i dteideal doiciméid tráchtála a urghabháil, nó a chinntiú go n-urghabhfar iad. Feidhmeofar an ceart sin ag féachaint go cuí do na forálacha ábhartha náisiúnta agus beidh sé gan dochar do chur i bhfeidhm na rialacha a rialaíonn imeachtaí i gcúrsaí coiriúla a bhaineann le doiciméid a urghabháil.

Airteagal 83

Cúnamh frithpháirteach

1. Tabharfaidh na Ballstáit cúnamh dá chéile chun críocha an grinnscrúdú dá bhforáiltear sa Chaibidil seo a dhéanamh sna cásanna seo a leanas:

- (a) i gcás ina bhfuil gnóthas nó tríú páirtí suite i mBallstát seachas an Ballstát inar íocadh nó ina bhfuarthas an tsumin atá i dtrácht, nó inar cheart í a bheith íoctha nó faighte;
- (b) i gcás ina bhfuil gnóthas nó tríú páirtí suite i mBallstát seachas an Ballstát sin ina bhfuil na doiciméid agus an fhaisnéis is gá le haghaidh grinnscrúdaithe.

Féadfaidh an Coimisiún comhghníomhaíochtaí a chomhordú ina mbeidh cúnamh frithpháirteach idir dhá Bhallstát nó níos mó.

2. Le linn na dtrí mhí tar éis bhliain airgeadais íocaíochta CERT, cuirfidh na Ballstáit liosta chuig an gCoimisiún de ghnóthais atá bunaithe i dtríú tír ar íocadh an méid atá i dtrácht leo nó a fuair an méid atá i dtrácht, nó ar cheart é a bheith íoctha leo nó faighte acu, sa Bhallstát sin.

3. Má tá faisnéis bhreise de dhíth i mBallstát eile mar chuid den ghrinnscrúdú atá á dhéanamh ar ghnóthas i gcomhréir le hAirteagal 80, agus go háirithe maidir le cros-seiceálacha i gcomhréir le hAirteagal 81, féadfar iarratais shonracha ar ghrinnscrúdú a dhéanamh agus na cúiseanna leis an iarratas a lua. Cuirfear achoimre ar na hiarratais shonracha sin chuig an gCoimisiún gach ráithe, laistigh de mhí tar éis dheireadh gach ráithe. Féadfaidh an Coimisiún cóip de na hiarratais a éileamh.

Comhlíonfar an t-iarratas ar ghrinnscrúdú sé mhí ar a dhéanaí tar éis é a fháil; cuirfear torthaí an ghrinnscrúdaithe in iúl gan mhoill don Bhallstát atá á iarraidh agus don Choimisiún. Rachfar i dteagmháil leis an gCoimisiún gach ráithe, laistigh de mhí tar éis dheireadh gach ráithe.

Airteagal 84

Cláireagrú

1. Tarraingeoidh na Ballstáit suas cláir le haghaidh grinnscrúdú a bheidh le déanamh de bhun Airteagal 80 le linn na tréimhse grinnscrúdaithe ina dhiaidh sin.

2. Gach bliain, roimh an 15 Aibreán, cuirfidh Ballstáit a gclár, dá dtagraítear i mír 1, chuig an gCoimisiún agus sonróidh siad:

(a) líon na ngnóthas a bhfuil grinnscrúdú le déanamh orthu agus miondealú de réir earnála ar bhonn na méideanna a bhaineann leo;

(b) na critéir arna nglacadh chun an clár a tharraingt suas.

3. Na cláir a bheidh bunaithe ag na Ballstáit agus a bheidh curtha ar aghaidh acu chuig an gCoimisiún, cuirfidh siad chun feidhme iad, mura mbeidh a thráchtáil curtha in iúl ag an gCoimisiún laistigh d'ocht seachtaine.

4. Beidh feidhm ag mír 3 mutatis mutandis maidir leis na leasuithe a dhéanann na Ballstáit ar an gclár.

5. Am ar bith, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh go gcuirfear catagóir gnóthas ar leith san áireamh i gclár Ballstáit.

6. Maidir le gnóthais ar lú ná EUR 40 000 suim na n-admhálacha nó na n-íocaíochtaí, ní dhéanfar grinnscrúdú orthu i gcomhréir leis an gCaibidil seo ach ar chúiseanna sonracha a bheidh le léiriú ag na Ballstáit ina gclár bliantúil dá dtagraítear i mír 1 nó ag an gCoimisiún in aon leasú atá beartaithe ar an gclár sin. Chun forbairtí eacnamaíochta a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115 maidir le leasú a dhéanamh ar an tairseach EUR 40 000.

Airteagal 85

Ranna speisialta

1. Beidh roinn speisialta i ngach Ballstát a bheidh freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Caibidle seo. Beidh na ranna sin freagrach, go háirithe, as an méid seo a leanas:

- (a) feidhmiú an ghrinnscrúdú dá bhforáiltear sa Chaibidil seo a dhéanamh oifigigh atá fostaithe go díreach ag an roinn speisialta sin; nó
- (b) comhordú agus faireachas ginearálta ar an ghrinnscrúdú orthu a dhéanamh oifigigh ó ranna eile a chomhordú agus faireachas ginearálta a dhéanamh air.

Féadfaidh na Ballstáit a fhoráil freisin, go ndéanfarna seiceálacha grinnscrúdaithe a bheidh le déanamh de bhun na Caibidle seo a leithdháileadh idir na ranna speisialta agus ranna náisiúnta eile, ar choinníoll go bhfuil na ranna speisialta freagrach as an gcomhordú.

2. Déanfar an roinn nó na ranna atá freagrach as an gCaibidil seo a chur i bhfeidhm a eagrú ar bhealach a bheidh neamhspleách ó ranna nó ó chraobhacha na ranna atá freagrach as na híocaíochtaí agus as na seiceálacha grinnscrúdaithe a rinneadh roimh an íocaíocht.

3. Chun a áirithiú go gcuirfear an Chaibidil seo i bhfeidhm go cuí, déanfaidh an roinn speisialta dá dtagraítear i mír 1 na bearta ar fad is gá, agus tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann di na cumhachtaí ar fad is gá chun na cúraimí dá dtagraítear sa Chaibidil seo a dhéanamh.

4. Glacfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun pionós a ghearradh ar na daoine nádúrtha nó dlítheanacha nach gcomhlíonann a n-oibleagáidí faoin gCaibidil seo.

Airteagal 86

Tuarascálacha

1. Roimh an 1 Eanáir, tar éis na tréimhse grinnscrúdaithe, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil mhionsonraithe chuig an gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm na Caibidle seo.

2. Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún a dtuairimí a mhalartú go minic maidir le cur i bhfeidhm na Caibidle seo.

Airteagal 87

Rochtain ar fhaisnéis agus grinnscrúdú a dhéanann an Coimisiún

1. I gcomhréir leis na dlíthe ábhartha náisiúnta, beidh rochtain ag oifigigh an Choimisiúin ar na doiciméid ar fad a ullmhaítear don ghrinnscrúdú nó tar éis an ghrinnscrúdaithe a eagraítear faoin gCaibidil seo, agus ar na sonraí ar fad, lena n-áirítear na sonraí a stóráiltear sna córais próiseála-sonraí. Soláthrófar na sonraí sin ar iarratas a fháil trí mheán iomchuí um thacaíocht sonraí.

2. Déanfaidh oifigigh de chuid na mBallstát na grinnscrúduithe sin dá dtagraítear in Airteagal 80. Féadfaidh oifigigh de chuid an Choimisiúin bheith páirteach sna grinnscrúduithe sin. Ní fhéadfaidh siad féin na cumhachtaí grinnscrúdaithe atá tugtha d'oifigigh náisiúnta a fheidhmiú. Mar sin féin, beidh rochtain acu ar na háitribh chéanna agus ar na doiciméid chéanna is atá ag oifigigh na mBallstát.

3. I gcás grinnscrúdaithe a dhéantar faoi Airteagal 83, féadfaidh oifigigh den Bhallstát iarrthach a bheith i láthair, le comhaontú an Bhallstáit iarrtha, ag an ngrinnscrúdú sa Bhallstát iarrtha, agus beidh rochtain acu ar na háitribh chéanna agus ar na doiciméid chéanna is atá ag oifigigh an Bhallstáit sin.

Beidh oifigigh an Bhallstáit iarrthaigh atá i láthair ag na grinnscrúduithe sa Bhallstát iarrtha in ann cruthúnas ar a gcúram oifigiúil a thaispeáint am ar bith. Is iad oifigigh an Bhallstáit iarrtha a dhéanfaidh na grinnscrúduithe i gcónaí.

4. Gan dochar d'fhorálacha Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, i gcás ina bhfágann forálacha náisiúnta a bhaineann le himeachtaí coiriúla nach féidir ach le hoifigigh atá ainmnithe go sonrach sa dlí náisiúnta gníomhartha áirithe a dhéanamh, ní bheidh oifigigh an Choimisiúin, ná oifigigh an Bhallstáit dá dtagraítear i mír 3, páirteach sna gníomhartha sin. Ar chaoi ar bith, ní bheidh siad páirteach, go háirithe, i gcuairteanna baile ná i gceistiú foirmiúil daoine i gcomhthéacs dhlí coiriúil an Bhallstáit lena mbaireann. Beidh rochtain acu ar an bhfaisnéis a fhaightear ar an mbealach sin, áfach.

Airteagal 88

Cumhachtaí an Choimisiúin

Nuair is gá, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena leagtar síos rialacha maidir le cur i

bhfeidhm aonfhoirmeach na Caibidle agus go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) feidhmíocht an ghrinnscrúdaithe dá dtagraítear in Airteagal 80 i ndáil le gnóthais, ráta agus féilire an ghrinnscrúdaithe a roghnú;
- (b) doiciméid tráchtála a chaomhnú agus na cineálacha doiciméad atá le coinneáil nó na cineálacha sonraí atá le tairfeadh;
- (c) feidhmíocht agus comhordú comhghníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 83(1);
- (d) sonraí agus sonraíochtaí maidir le hábhar agus cló na n-iarratas agus an bealach a chuirtear isteach iad, ábhar agus cló an fhógra agus an bealach a chuirtear isteach é agus an bealach a chuirtear isteach agus a mhalartaítear an fhaisnéis atá de dhíth faoi chuimsiú na Caibidle seo;
- (e) dálaí agus modhanna foilsithe nó rialacha agus dálaí sonracha faoin gcaoi a scaipfidh an Coimisiún an fhaisnéis atá ag teastáil faoi chuimsiú an Rialacháin seo ar údarás inniúla na mBallstát nó faoin gcaoi a gcuirfidh an Coimisiún ar fáil dóibh í;
- (f) freagrachtaí na ranna speisialta dá dtagraítear in Airteagal 85;
- (g) ábhar na dtuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 86.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

CAIBIDIL IV

Forálacha eile maidir le seiceálacha agus pionóis

Airteagal 89

Seiceálacha eile agus pionóis eile a bhaineann le rialacha margaíochta

1. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú nach gcuirfeadh ar an margadh, nó go mbainfeadh den mhargadh, na táirgí dá dtagraítear in Airteagal 119(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 nach bhfuil lipéadaithe i gcomhréir le forálacha an Rialacháin sin.

2. Gan dochar d'aon fhorálacha sonracha a d'fhéadfadh an Coimisiún a ghlacadh, beidh allmhairí isteach san Aontas de na táirgí atá sonraithe i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 1 d'Airteagal 189 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 faoi réir seiceálacha le cinneadh an gcomhlíontar na coinníollacha dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal sin.

3. Déanfaidh na Ballstáit seiceálacha, bunaithe ar anailís riosca, chun a fhíorú an gcomhlíonann na táirgí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 na rialacha a leagtar síos i Roinn I de Chaibidil I de Theideal II de Chuid II de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus cuirfidh siad i bhfeidhm pionóis riaracháin de réir mar is iomchuí.

4. Gan dochar do ghníomhartha maidir le hearnáil an fhíona a ghlactar ar bhonn Airteagal 64, déanfaidh na Ballstáit pionóis riaracháin a bheidh comhréireach, éifeachtach agus athchomhairleach a chur i bhfeidhm má sháraítear rialacha in earnáil an fhíona. Ní bheidh feidhm ag na pionóis sin sna cásanna a leagtar amach i bpointí (a) go (d) d'Airteagal 64(2) agus nuair is mion-neamhchomhlíonadh a bheidh i gceist.

5. Chun cistí an Aontais agus céannacht, tionscnamh agus cáilíocht fhíon an Aontais a chosaint, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115 i dtaobh an mhéid seo a leanas:

(a) bunachar sonraí anailíseach de shonraí iseatópacha a bhunú a chuideoidh le calaois a bhrath agus a bheidh le tógáil ar bhonn samplaí arna mbailiú ag na Ballstáit;

(b) rialacha maidir le comhlachtaí rialaithe agus an cúnaimh frithpháirteach eatarthu;

(c) rialacha maidir le comhúsáid thorthaí thaighde na mBallstát;

6. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis:

(a) na nósanna imeachta a bhaineann le bainc shonraí dhílse na mBallstát agus le banc sonraí iseatópacha anailíseacha a chuideoidh le calaois a bhrath;

(b) na nósanna imeachta a bhaineann leis an gcomhar agus leis an gcúnaimh idir údarais agus comhlachtaí rialaithe;

(c) maidir leis an oibleagáid dá dtagraítear i mír 3, rialacha maidir leis na seiceálacha a dhéanamh ar chomhlíonadh caighdeán margaíochta, rialacha maidir leis na húdarais atá freagrach as na seiceálacha a dhéanamh, agus forálacha maidir le hábhar agus le minicíocht na seiceálacha sin agus leis an gcéim mhargaíochta a mbeidh feidhm ag na seiceálacha sin maidir leo.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

Airteagal 90

Seiceálacha maidir le sonrúcháin tionscnaimh agus le tásca geografacha agus le téarmaí traidisiúnta faoi chosaint

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun deireadh a chur le húsáid neamhdhleathach sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint, tásca geografach faoi chosaint agus téarmaí traidisiúnta faoi chosaint dá dtagraítear i Rialachán AE Uimh. 1308/2013.

2. Ainmneoidh an Ballstát an t-údarás inniúil atá freagrach as na seiceálacha a dhéanamh i ndáil leis na hoibleagáidí a leagtar síos i Roinn II de Chaibidil I de Theideal II de Chuid 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ agus áiritheoidh

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le feidhmiú rialuithe oifigiúla chun comhlíonadh dlí beatha agus bia, rialacha sláinte ainmhithe agus leasa ainmhithe a áirithiú (IO L 165, 30.4.2004, lch. 1).

sé go bhfuil aon oibreoir a chomhlíonann na hoibleagáidí sin i dteideal a bheith cumhdaithe ag córas seiceálacha.

3. Laistigh den Aontas, déanfaidh an t-údarás inniúil dá dtagraítear i mír 2 nó comhlacht rialaithe amháin nó níos mó, de réir bhrí phointe 5 den dara fomhír d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 atá ag feidhmiú mar chomhlacht deimhniúcháin táirgí i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos in Airteagal 5 den Rialachán sin, a áirithiú go ndéanfar comhlíonadh na sonraíochta táirge a fhíorú ar bhonn bliantúil, le linn táirgthe agus le linn chomhoiriúnú na fíona nó ina dhiaidh.

4. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an chumarsáid a bheidh idir na Ballstáit agus an Coimisiún;

(b) rialacha ar an údarás atá freagrach as comhlíonadh na sonraíochta táirge a fhíorú, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil an limistéar geografach i dtríú tír;

(c) na gníomhaíochtaí atá le cur chun feidhme ag na Ballstáit chun cosc a chur ar úsáid neamhdhleathach sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint, tásca geografach faoi chosaint agus téarmaí traidisiúnta faoi chosaint;

(d) na seiceálacha agus an fíorú atá le déanamh ag na Ballstáit, lena n-áirítear tástáil.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

TEIDEAL VI

TRAS-CHOMHLÍONADH

CAIBIDIL I

Raon Feidhme

Airteagal 91

Prionsabal ginearálta

1. I gcás nach ndéanann tairbhí dá dtagraítear in Airteagal 92 na rialacha maidir le tras-chomhlíonadh mar a leagtar síos in Airteagal 93 a chomhlíonadh, déanfar pionós riaracháin a fhorchur ar an tairbhí sin.

2. Ní bheidh feidhm leis an bpionós riaracháin dá dtagraítear i mír 1 ach más rud é gur toradh é an neamhchomhlíonadh ar ghníomh nó ar neamhghníomh atá inchurtha go díreach i leith an tairbhí lena mbaineann; agus go gcomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha breise seo a leanas nó an dá cheann díobh:

(a) baineann an neamhchomhlíonadh le gníomhaíocht talmhaíochta an tairbhí;

(b) tá limistéar ghabháltas an tairbhí i gceist.

I gcás limistéar foraoise, áfach, ní bheidh feidhm ag an bpionós sin a mhéid nach n-éileofar tacaíocht don limistéar lena mbaineann i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 21(1), le hAirteagal 30 agus le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.

3. Chun críche an Teidil seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (a) ciallaíonn 'gabhálas' gach aonad táirgthe agus gach limistéar a bhainistíonn an tairbhí dá dtagraítear in Airteagal 92 agus atá suite laistigh de chríoch an Bhallstáit chéanna;
- (b) ciallaíonn "ceanglas", gach ceanglas aonair maidir le bainistiú reachtúil faoi dhlí an Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinn II laistigh de ghníomh ar leith, agus atá difriúil ó thaobh substainte de ó aon cheanglas eile atá sa ghníomh céanna.

Airteagal 92

Na tairbhíthe lena mbaineann

Beidh feidhm ag Airteagal 91 maidir le tairbhíthe a fhaigheann íocaíochtaí díreacha faoi Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, íocaíochtaí faoi Airteagal 46 agus Airteagal 47 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus na préimheanna bliantúla faoi phointe(a) agus phointe (b) d'Airteagal 21(1), Airteagal 28 go 31, Airteagal 33 agus Airteagal 34 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 91, áfach, maidir le tairbhíthe atá ag glacadh páirte i scéim na bhfeirmeoirí beaga dá dtagraítear i dTeideal V de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013. Ní bheidh feidhm ach oiread ag an bpionós dá bhforáiltear san Airteagal sin maidir leis an tacaíocht dá dtagraítear in Airteagal 28(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.

Airteagal 93

Na rialacha maidir le tras-chomhlíonadh

1. Is éard a bheidh sna rialacha maidir le tras-chomhlíonadh na ceanglais reachtúla bhainistithe faoi dhlí an Aontais agus na caighdeáin a bhunaítear ar an leibhéal náisiúnta maidir le dea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil talún, a liostaítear in Iarscríbhinn II, agus a bhaineann leis na réimsí seo a leanas:

- (a) an comhshaoil, athrú aeráide, agus dea-bhail talmhaíochta talún;
- (b) sláinte phoiblí, sláinte ainmhithe agus sláinte plandaí;
- (c) leas ainmhithe.

2. Na gníomhartha dlíthiúla dá dtagraítear in Iarscríbhinn II maidir leis na ceanglais reachtúla bhainistithe, beidh feidhm acu maidir leis an leagan atá i bhfeidhm agus, i gcás Treoracha, faoi mar atá siad á gcur chun feidhme ag na Ballstáit.

3. Ina theannta sin, maidir leis na blianta 2015 agus 2016, áireofar sna rialacha maidir le tras-chomhlíonadh féarach buan a choinneáil. Na Ballstáit sin ar Ballstáit den Aontas iad an 1 Eanáir 2004, áiritheoidh siad go ndéanfar talamh a bhí faoi fhéarach buan ar an dáta a tugadh do na hiarratais ar chabhair

limistéir don bhliain 2003, go ndéanfar é a choinneáil faoi fhéarach buan laistigh de limistéir sainithe. Na Ballstáit a tháinig isteach san Aontas in 2004, áiritheoidh siad go ndéanfar talamh a bhí faoi fhéarach buan an 1 Bealtaine 2004 a choinneáil faoi fhéarach buan laistigh de limistéir sainithe. Áiritheoidh an Bhulgáir agus an Rómáin go ndéanfar talamh a bhí faoi fhéarach buan an 1 Eanáir 2007 a choinneáil faoi fhéarach buan laistigh de limistéir sainithe. Áiritheoidh an Chróit go ndéanfar talamh a bhí faoi fhéarach buan an 1 Iúil 2013 a choinneáil faoi fhéarach buan laistigh de limistéir sainithe.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir le talamh faoi fhéarach buan atá le coilltíú, más rud é go bhfuil an coilltíú sin oiriúnach don chomhshaoil agus nach fáschoillte crann Nollag ná speiceas gearrthéarmach atá i gceist.

4. D'fhonn mír 3 a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115 lena leagtar síos na rialacha maidir le féarach buan a choinneáil, go háirithe d'fhonn a áirithiú go ndéanfar bearta ionas go leanfaidh an talamh de bheith faoi fhéarach buan ar leibhéal na bhfeirmeoirí, lena n-áirítear oibleagáidí aonair atá le comhlíonadh amhail an oibleagáid limistéir a iompú ar ais ina bhféarach buan nuair a shuitear go bhfuil laghdú ar an gcóimheas talún atá faoi fhéarach buan.

D'fhonn a áirithiú go gcuirfeadh oibleagáidí na mBallstát, ar thaobh amháin, agus oibleagáidí na bhfeirmeoirí aonair, ar aon taobh eile, i bhfeidhm i gceart ó thaobh féarach buan a choinneáil, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115 chun na coinníollacha agus na modhanna atá le húsáid chun an cóimheas atá le coinneáil idir féarach buan agus talamh talmhaíochta a chinneadh.

5. Chun críche mhír 3 agus mhír 4, ciallaíonn 'féarach buan' féarach buan mar a shainítear é i bpointe (c) d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1120/2009 sa leagan bunaidh.

Airteagal 94

Oibleagáidí na mBallstát a bhaineann le dea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh dea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil ar gach limistéar talmhaíochta, lena n-áirítear talamh nach n-úsáidtear a thuilleadh chun críoch táirgthe. Saineoidh na Ballstáit, ar leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, íoschaighdeáin maidir le tairbhíthe i dtaca le dea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil talún, ar bhonn Iarscríbhinn II, ag cur san áireamh dóibh saintréithe na limistéar lena mbaineann, lena n-áirítear dálaí ithreach agus aeráide, córais feirmeoireachta atá ann cheana, úsáid talún, uainíocht na mbarr, cleachtais feirmeoireachta, agus struchtúir feirmeacha.

Ní shaineoidh na Ballstáit íoscheanglais nach mbunaítear in Iarscríbhinn II.

Airteagal 95

Faisnéis a thabhairt do thairbhíthe

Déanfaidh na Ballstáit, trí mheán leictreonach nuair is iomchuí, liosta de na ceanglais agus na caighdeáin atá le cur i bhfeidhm ar an leibhéal sin, mar aon le faisnéis shoiléir agus chruinn ina leith, a sholáthar do na tairbhíthe lena mbaineann.

CAIBIDIL II

An córas rialaithe agus pionóis riaracháin a bhaineann le tras-chomhlíonadh

Airteagal 96

Seiceálacha ar thras-chomhlíonadh

1. Nuair is iomchuí, bainfidh na Ballstáit úsáid as an gcóras comhtháite a leagtar síos i gCaibidil II de Theideal V agus go háirithe i bpointí (a), (b), (d), (e) agus (f) d'Airteagal 68(1).

Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as na córais riaracháin agus rialaithe atá acu cheana chun a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha maidir le tras-chomhlíonadh.

Na córais sin, go háirithe an córas maidir le hainmhithe a shainiú agus a chlárú a bunaíodh i gcomhréir le Treoir 2008/71/CE ón gComhairle ⁽¹⁾ agus i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 agus Rialachán (CE) Uimh. 21/2004, beidh siad comhoiriúnach don chóras comhtháite dá dtagraítear i gCaibidil II de Theideal V den Rialachán seo.

2. De réir na gceanglas, na gcaighdeán, na gníomhartha nó na réimsí tras-chomhlíonta a bheidh i gceist, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh seiceálacha riaracháin a dhéanamh, go háirithe iad sin dá bhforáiltear cheana faoi na córais rialaithe is infheidhme maidir leis an gceanglas, leis an gcaighdeán nó leis an réimse tras-chomhlíonta lena mbaineann.

3. Déanfaidh na Ballstáit seiceálacha ar an láthair le fíorú cé acu atá tairbhí ag comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Teideal seo nó nach bhfuil.

4. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena leagfar síos rialacha a ghlacadh maidir le seiceálacha a dhéanamh le fíorú an bhfuil na hoibleagáidí dá dtagraítear faoin Teideal seo á gcomhlíonadh, lena n-áirítear rialacha lena gceadaítear an méid seo a leanas a chur san áireamh san anailís rioscaí:

- (a) rannpháirtíocht feirmeora i gcóras comhairleach feirmeoirreachta dá bhforáiltear i dTeideal III den Rialachán seo;
- (b) rannpháirtíocht feirmeora i gcóras deimhniúcháin, má chlúdaíonn an córas sin na ceanglais agus na caighdeáin lena mbaineann.

⁽¹⁾ Treoir 2008/71/CE ón gComhairle an 15 Iúil 2008 maidir le sainiú agus clárú muc (IO L 213, 8.8.2008, lch. 31).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

Airteagal 97

Cur i bhfeidhm an pionóis riaracháin

1. Déanfar an pionós riaracháin dá bhforáiltear in Airteagal 91 a fhorchur nuair nach gcomhlíontar na rialacha maidir le tras-chomhlíonadh le linn bliana féilire ar leith ('an bhliain féilire lena mbaineann') agus go bhfuil an neamhchomhlíonadh atá i gceist inchurtha go díreach i leith an tairbhí a chuir an t-iarratas ar chabhair nó an t-éileamh íocaíochta isteach sa bhliain féilire lena mbaineann.

Beidh feidhm mutatis mutandis ag an gcéad fhomhír maidir le tairbhíthe a gcinntear ina leith nár chomhlíon siad na rialacha maidir le tras-chomhlíonadh am ar bith le linn na dtrí bliana ón 1 Eanáir den bhliain i ndiaidh na bliana féilire inar deonaíodh an chéad íocaíocht faoi na cláir thacaíochta i gcomhair athstruchtúir agus athchóiriú nó am ar bith le linn tréimhse bliana ón 1 Eanáir den bhliain i ndiaidh na bliana féilire inar deonaíodh an íocaíocht faoi na cláir thacaíochta i gcomhair glasbhuaite dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh 1308/2013 ('na blianta lena mbaineann').

2. I gcásanna ina n-aistrefar an talamh le linn na bliana féilire nó na mblianta féilire lena mbaineann, beidh feidhm ag mír 1 freisin nuair atá an neamhchomhlíonadh mar thoradh ar ghníomh nó neamhghníomh atá inchurtha go díreach i leith an duine ar aistríodh an talamh chuige nó uaidh. De mhaolú ar an gcéad abairtsin, i gcás ina bhfuil iarratas ar chabhair nó éileamh íocaíochta déanta ag an duine a bhfuil an gníomh nó an neamhghníomh inchurtha go díreach ina leith, le linn na bliana féilire nó na mblianta féilire lena mbaineann, déanfar an pionós riaracháin a fhorchur ar bhonn mhéideanna iomlána na n-íocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 92 a deonaíodh nó atá le deonú don duine sin.

Chun críche na míre seo, ciallaíonn 'aistriú' aon chineál idirbhirte arb é is toradh dó nach bhfuil an talamh talmhaíochta ar fáil a thuilleadh don aistreoir.

3. D'ainneoin mhír 1, agus faoi réir na rialacha a bheidh le glacadh de bhun Airteagal 101, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan pionós riaracháin a chur i bhfeidhm maidir le gach tairbhí in aghaidh na bliana féilire, nuair atá EUR 100 nó níos lú sa phionós.

I gcás ina gcinntíodh Ballstát an rogha dá bhforáiltear sa chéad fhomhír a úsáid, déanfaidh an t-údarás inniúil an bhliain ina dhiaidh sin, i gcás sampla de thairbhíthe, na bearta is gá le fíorú go ndéanfaidh an tairbhí an neamhchomhlíonadh i gceist a leigheas. Tabharfar fógra don tairbhí maidir leis an gcinneadh agus maidir leis an oibleagáid gníomhaíocht feabhais a dhéanamh.

4. Ní bheidh aon tionchar ag forchur pionóis riaracháin ar dhlíthiúlacht ná ar cirte na n-íocaíochtaí.

*Airteagal 98***Cur i bhfeidhm an pionóis riaracháin sa Bhulgáir, sa Chróit agus sa Rómáin**

I gcás na Bulgáire agus na Rómáine, déanfar na pionóis riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 91 a chur i bhfeidhm ar a dhéanaí ón 1 Eanáir 2016 a fhad a bhaineann leis na ceanglais reachtúla bhainistíochta i réimse leas na n-ainmhithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn II.

I gcás na Cróite, cuirfear na pionóis dá dtagraítear in Airteagal 91 i bhfeidhm i gcomhréir leis an sceideal ama a leanas maidir leis na ceanglais reachtúla bhainistíochta (CRB) dá dtagraítear in Iarscríbhinn II:

- (a) ón 1 Eanáir 2014 le haghaidh CRB 1 go CRB 3 agus CRB 6 go CRB 8;
- (b) ón 1 Eanáir 2016 le haghaidh CRB 4, CRB 5, CRB 9 agus CRB 10;
- (c) ón 1 Eanáir 2018 le haghaidh CRB 11 go CRB 13.

*Airteagal 99***An pionós riaracháin a ríomh**

1. An pionós riaracháin dá bhforáiltear in Airteagal 91, cuirfear i bhfeidhm é trí laghdú nó eisiamh a dhéanamh ar mhéid iomlán na n-íocaíochtaí atá liostaithe in Airteagal 92 agus atá deonaithe nó atá le deonú don tairbhí lena mbaineann i dtaca le hiarratais ar chabhair a chuir sé isteach nó a chuirfidh sé isteach le linn na bliana féilire ina n-aimsítear an cás.

Agus na laghduithe agus na heisiamh sin á ríomh, cuirfear san áireamh déine, forleithne, buaine agus minicíocht an neamhchomhlíonta a aimsíodh, mar aon leis na critéir a leagtar amach i mír 2, i mír 3 agus i mír 4.

2. I gcás inar de bharr faillí an neamhchomhlíonadh, ní bheidh céatadán an laghdaithe níos mó ná 5 % agus i gcás inar ath-neamhchomhlíonadh é, ní bheidh sé níos mó ná 15 %.

Féadfaidh na Ballstáit córas luathrabhaidh a bhunú a mbeidh feidhm aige maidir le cásanna neamhchomhlíonta nach mbeadh laghdú ná eisiamh mar thoradh orthu, i gcásanna a mbeidh bonn cirt cuí acu, de bharr a ndéine theoranta, forleithne agus marthanachta. I gcás ina gcinneadh Ballstát an rogha sin a dhéanamh, seolfaidh an t-údarás inniúil luathrabhadh don tairbhí, leis an tairbhí a chur ar an eolas faoin gcinneadh agus faoin oibleagáid atá ann gníomhaíocht feabhais a dhéanamh. I gcás ina suítear ina dhiaidh sin nár cuireadh an neamhchomhlíonadh ina cheart, cuirfear an laghdú de bhun na chéad fómhíre i bhfeidhm go haisghníomhach.

Mar sin féin, i gcásanna inar neamhchomhlíonadh é ar baol díreach é don tsláinte phoiblí nó do shláinte ainmhithe, beidh laghdú nó eisiamh mar thoradh air i gcónaí.

Féadfaidh na Ballstáit rochtain tosaíochta ar an gcóras comhairleach feirmeoireachta a thabhairt do na tairbhíthe a mbeidh luathrabhadh faighte acu den chéaduaire.

3. I gcás inar neamhchomhlíonadh d'aon ghnó é, ní bheidh céatadán an laghdaithe níos lú ná 20 % i bprionsabal agus d'fhéadfaí láneisiamh féin ó scéim chabhrach amháin nó níos mó, ar feadh bliana féilire amháin nó níos mó, a ghearradh.

4. I gcaoi ar bith, ní bheidh méid iomlán na laghduithe agus na n-eisiamh in aon bhliain féilire níos mó ná an méid iomlán dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1.

*Airteagal 100***Méideanna a thagann as tras-chomhlíonadh**

Féadfaidh na Ballstáit 25 % de na méideanna a thiocthaí as cur i bhfeidhm na laghduithe agus na n-eisiamh dá dtagraítear in Airteagal 99 a choinneáil.

*Airteagal 101***Cumhachtaí an Choimisiúin i dtaca leis an gcur i bhfeidhm agus ríomh na bpionós riaracháin**

1. D'fhonn a áirithiú go ndáilfear na cistí ar na tairbhíthe atá i dteideal iad a fháil i gceart agus go ndéanfar an tras-chomhlíonadh ar bhealach éifeachtúil comhsheasmhach neamh-idirdhealaitheach, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115:

- (a) chun bonn comhchuibhithe a bhunú do ríomh na bpionós riaracháin ag éirí as an tras-chomhlíonadh dá dtagraítear in Airteagal 99, agus laghduithe de bharr an smachta airgeadais á gcur san áireamh;
- (b) maidir leis na coinníollacha do ríomh agus cur i bhfeidhm na bpionós riaracháin ag éirí as tras-chomhlíonadh, lena n-áirítear cásanna inar neamh-chomhlíonadh é arb é an tairbhí lena mbaineann faoi ndeara é, gan aon agó.

2. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena leagtar síos rialacha mionsonraithe nós imeachta agus teicniúla maidir le ríomh agus cur i bhfeidhm na bpionós riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 97 go 99, lena n-áirítear maidir le tairbhíthe arb é atá iontu grúpa daoine faoi Airteagal 28 agus faoi Airteagal 29 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

TEIDEAL VII

FORÁLACHA COITEANNA

CAIBIDIL I

Cumarsáid*Airteagal 102***Faisnéis a chur in iúl**

1. Mar aon leis na forálacha a leagtar síos sna Rialacháin earnálacha, cuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún an fhaisnéis, na dearbhuithe agus na doiciméid seo a leanas:

- (a) i gcás gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe agus comhlachtaí comhordaithe creidiúnaithe:

- (i) a ndoiciméad creidiúnaithe;
- (ii) a bhfeidhm (gníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe nó comhlacht comhordaithe);
- (iii) nuair is iomchuí, tarraingt siar a gcreidiúnú,
- (b) i gcás comhlachtaí creidiúnaithe:
- (i) a n-ainm;
- (ii) a seoltaí,
- (c) i gcás beart a bhaineann le hoibríochtaí atá á maoiniú ag na Cístí:
- (i) dearbhuithe caiteachais, a mbeidh feidhm iarratas íocaíochta leo freisin, arna síniú ag an ngníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe nó ag an gcomhlacht comhordaithe creidiúnaithe agus an fhaisnéis is gá ag gabháil leo;
- (ii) meastacháin ar a riachtanais airgeadais, maidir le CERT agus, maidir le CETFT, nuashonrú ar dhearbhuithé caiteachais measta a chuirfead isteach le linn na bliana agus dearbhuithe caiteachais measta na bliana airgeadais ina dhiaidh sin;
- (iii) dearbhú bainistíochta agus cuntais bhliantúla na ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe;
- (iv) achoimre bhliantúil ar thorthaí gach iniúchóireachta agus seiceála atá ar fáil arna ndéanamh i gcomhréir leis an sceideal agus leis na forálacha mionsonraithe a leagtar síos sna rialacha earnáilsonracha.

Déanfar cuntais bhliantúla na ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe a bhaineann le caiteachais ar CETFT a chur isteach ag leibhéal gach clár.

2. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas go mion maidir leis na bearta a dhéantar chun an dea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 94 a chur chun feidhme agus maidir le sonraí an chórais chomhairligh feirmeoireachta dá dtagraítear i dTheideal III.

3. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas go tráthrialta maidir le cur i bhfeidhm an chórais chomhtháite dá dtagraítear i gCaibidil II de Theideal V. Eagróidh an Coimisiún cruinnithe chun tuairimí a roinnt i leith na ceiste sin leis na Ballstáit.

Airteagal 103

Rúndacht

1. Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún gach beart is gá chun go n-áirítear rúndacht na faisnéise a chuirtear in iúl nó a chuirtear ar fáil trí bhíthin cigireachta agus trí bhíthin na mbeart um imréiteach cuntas atá á gcur chun feidhme faoin Rialachán seo.

Beidh feidhm ag na rialacha a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (Euratom, CE) 2185/96 maidir leis an bhfaisnéis sin.

2. Gan dochar d'fhorálacha náisiúnta maidir le himeachtaí dlí, déanfar faisnéis a bhaileofar le linn an ghrinnscrúdaithe dá bhforáiltear i gCaibidil III de Theideal V a chosaint faoin rúndacht ghairmiúil. Ní fhéadfar an fhaisnéis sin a chur in iúl d'aon duine seachas dóibh sin nach mór, de bharr a gcuid dualgas sna Ballstáit nó in institiúidí an Aontais, eolas a bheith acu uirthi chun na dualgais sin a chomhlíonadh.

Airteagal 104

Cumhachtaí an Choimisiúin

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena leagtar síos rialacha maidir leis:

- (a) an fhoirm, an t-inneachar, an tréimhsiúlacht, na spriocdhátaí agus na socruithe maidir leis an méid seo a leanas a tharchur chuig an gCoimisiún nó a chur ar fáil dó:
- (i) dearbhuithe caiteachais agus meastacháin chaiteachais mar aon lena nuashonruithe, lena n-áirítear ioncam sannta;
- (ii) dearbhú bainistíochta agus cuntais bhliantúla na ngníomhaireachtaí íocaíochta, mar aon le torthaí gach iniúchta agus rialaithe atá ar fáil;
- (iii) tuarascálacha deimhniúcháin na gcuntas;
- (iv) ainmneacha agus sonraí na ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe, na gcomhlachtaí comhordaithe creidiúnaithe agus na gcomhlachtaí deimhniúcháin;
- (v) socruithe maidir le caiteachas atá á mhaoiniú ag na Cístí a chur san áireamh agus a íoc;
- (vi) fógraí i leith coigeartuithe airgeadais a dhéanann na Ballstáit i ndáil le hoibríochtaí nó cláir forbartha tuaithe, agus tuarascálacha achomair ar na nósanna imeachta um ghnóthú atá déanta ag na Ballstáit mar fhreagairt ar neamhrialtachtaí;
- (vii) faisnéis maidir leis na bearta atá déanta de bhun Airteagal 58.
- (b) na socruithe lena rialaítear malartuithe faisnéise agus doiciméad idir an Coimisiún agus na Ballstáit, agus cur chun feidhme córas faisnéise lena n-áirítear cineál, formáid, agus inneachar na sonraí atá le próiseáil ag na córais sin agus na rialacha maidir lena gcoinneáil;
- (c) faisnéis, doiciméid, staitisticí agus tuarascálacha a dtabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún fúthu mar aon leis na spriocdhátaí agus na bealaí a dtabharfar an fógra.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

CAIBIDIL II

Úsáid an euro*Airteagal 105***Prionsabail ghinearálta**

1. Na méideanna atá luaite sna cinntí ón gCoimisiún lena nglactar cláir forbartha tuaithe, méideanna na ngealltanais agus na n-íocaíochtaí ón gCoimisiún, méideanna an chaiteachais a dhearbhaítear nó a dheimhnítear, agus méideanna atá i ndearbhuithe caiteachais de chuid na mBallstát, sloinnfear agus íocfar in euro iad.

2. Na praghsanna agus na méideanna atá socrúithe sa reachtaíocht talmhaíochta earnálach, sloinnfear in euro iad.

Deonófar nó baileofar iad in euro i gcás na mBallstát a bhfuil an euro glactha acu agus san airgeadra náisiúnta i gcás na mBallstát nach bhfuil an euro glactha acu.

*Airteagal 106***An ráta malairte agus an imeacht feidhme**

1. Na praghsanna agus na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 105(2), comhshófar iad ina n-airgeadra náisiúnta trí bhíthin ráta malairte i gcás na mBallstát nach bhfuil an euro glactha acu.

2. Is éard a bheidh sa teagmhas oibríochtúil don ráta malairte:

(a) cur i gcrích foirmiúlachtaí allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin i gcás méideanna a bhailítear nó a dheonaítear le linn trádála le tríú tíortha;

(b) an teagmhas trína mbaintear amach sprioc eacnamaíoch na hoibríochta i ngach cás eile.

3. I gcás ina ndéantar íocaíocht dhíreach dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 le tairbhí in airgeadra seachas an euro, comhshóidh na Ballstáit an méid cabhrach atá sloinnnte in euro ina airgeadra náisiúnta ar bhonn an ráta malairte is déanaí a shocraigh an Banc Ceannais Eorpach roimh an 1 Deireadh Fómhair den bhliain ar tugadh an cabhair lena haghaidh.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, i gcásanna a mbeidh bonn cirt cuí leo, an comhshó a dhéanamh ar bhonn mheán na rátaí malairte a shocraigh an Banc Ceannais Eorpach le linn na míosa roimh an 1 Deireadh Fómhair den bhliain ar tugadh an chabhair lena haghaidh. Na Ballstáit a roghnóidh an rogha sin, socróidh siad agus foilseoidh siad an meánráta sin roimh an 1 Nollaig den bhliain sin.

4. Maidir le CERT, agus iad ag tarraingt suas a ndearbhuithe caiteachais, déanfaidh na Ballstáit nach bhfuil an euro glactha acu an ráta malairte céanna a chur i bhfeidhm a d'úsáid siad chun íocaíochtaí a dhéanamh le tairbhíthe nó chun ioncam a fháil, i gcomhréir le forálacha na Caibidle seo.

5. D'fhonn an teagmhas oibríochtúil dá dtagraítear i mír 2 a shonrú nó d'fhonn é a shocrú ar chúiseanna atá sonracha don eagraíocht margaidh nó don mhéid atá i gceist, tabharfar an

chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115, ina mbeidh rialacha maidir leis na teagmhais oibríochtúla sin agus maidir leis an ráta malairte atá le húsáid. Cinnfear an teagmhas oibríochtúil sonracha agus na critéir seo a leanas á gcur san áireamh:

(a) oiriúnuithe ar an ráta malairte a bheith infheidhme go hiarbhír a luaithes is féidir;

(b) a chomhchosúla atá na teagmhais oibríochtúla d'oibríochtaí analógacha a dhéantar faoin eagraíocht margaidh;

(c) na teagmhais oibríochtúla a bheith comhleanúnach ó thaobh na bpraghsanna agus na méideanna éagsúla a bhaineann leis an eagraíocht margaidh;

(d) indéantacht agus éifeachtacht na seiceálacha ar chur i bhfeidhm rátaí malairte oiriúnacha.

6. Ionas nach gcuirfidh na Ballstáit sin nach bhfuil an euro glactha acu rátaí malairte éagsúla i bhfeidhm i gcuntais ina bhfuil ioncam a fhaigheann tairbhíthe nó cabhair a íocadh leo in airgeadra seachas an euro, ná sa dearbhú caiteachais a dhéanann an ghníomhaireacht íocaíochta, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir hAirteagal 115 lena leagtar síos rialacha maidir leis an ráta malairte is infheidhme maidir le tarraingt suas dearbhuithe caiteachais agus maidir le hoibríochtaí stórála poiblí a thairbhíthe agus i gcuntais na gníomhaireachta íocaíochta.

*Airteagal 107***Bearta cosanta agus maoluithe**

1. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, bearta a ghlacadh d'fhonn cur i bhfeidhm dhlí an Aontais a chosaint más rud é gur dóchúil go ndéanfaidh cleachtas eisceachtúla airgeadaíochta a bhaineann leis an airgeadra náisiúnta an cur i bhfeidhm sin a chur i mbaol. Leis na gníomhartha cur chun feidhme sin, ní fhéadfar maolú ó na rialacha atá ann ach amháin nuair is gá sin gan aon agó agus ar feadh na tréimhse ama is gá.

Glactar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

Déanfar Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus na Ballstáit a chur ar an eolas gan mhoill maidir leis na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

2. I gcás inar dóchúil go ndéanfaidh cleachtas eisceachtúla airgeadaíochta a bhaineann le hairgeadra náisiúnta cur i bhfeidhm dhlí an Aontais a chur i mbaol, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115 lena maolaítear ón Roinn seo, go háirithe sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina n-úsáideann tír teicnící neamhghnácha malartaithe amháil rátaí éagsúla malairte a bheith acu nó comhaontuithe babhtála a oibriú;

(b) i gcás ina bhfuil airgeadraí ag tíortha nach bhfuil luaite ar mhargáí airgeadra oifigiúla nó i gcás inar dócha go mbeadh saobhadh trádála ann de bharr threocht na n-airgeadraí sin.

*Airteagal 108***An euro á úsáid ag Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu**

1. Má chinneann Ballstáit nach bhfuil an euro glactha aige an caiteachas a thagann as reachtaíocht talmhaíochta eárnalach a íoc in euro seachas ina airgeadra náisiúnta, déanfaidh an Ballstát bearta d'fhonn a chinntiú nach mbeidh úsáid an euro ina buntáiste sistéamach le hais an t-airgeadra náisiúnta a úsáid.

2. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas maidir leis na bearta atá beartaithe sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm. Ní bheidh feidhm ag na bearta go dtí go gcuirfidh an Coimisiún in iúl a chomhaontú ina leith.

*CAIBIDIL III***Tuarascáil agus meastóireacht***Airteagal 109***An tuarascáil airgeadais bhliantúil**

Roimh dheireadh mhí Mheán Fómhair gach bliain tar éis bhliain an bhuiséid, tarraingeoidh an Coimisiún suas tuarascáil ar riar na gCisté le linn na bliana airgeadais roimhe sin agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle í.

*Airteagal 110***Faireachán agus meastóireacht ar CBT**

1. Bunófar creat coiteann faireacháin agus meastóireachta d'fhonn feidhmíocht an Chomhbheartais Talmhaíochta a thomhas, agus an méid a leanas go háirithe:

- (a) na híocaíochtaí díreacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013;
- (b) na bearta margaidh dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013;
- (c) na bearta forbartha tuaithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus,
- (d) forálacha an Rialacháin seo.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar na bearta beartais seo bunaithe ar thuairisciú ó na Ballstáit i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sna Rialacháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Bunóidh an Coimisiún plean meastóireachta ilbhliantúil lena n-áireofar meastóireachtaí tréimhsiúla ar ionstraimí sonracha a chuirfear i ngníomh.

D'fhonn a áirithiú go dtomhaisfear an fheidhmíocht ar bhealach éifeachtach, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115 maidir le hinneachar agus struchtúr an chreata sin.

2. Déanfar feidhmíocht na mbearta a bhaineann le CBT dá dtagraítear sa chéad mhír a thomhas maidir leis na cuspóirí seo a leanas:

- (a) táirgeadh inmharthana bia agus béim ar an ioncam talmhaíochta, ar tháirgiúlacht talmhaíochta agus ar chobhsaíocht na bpraghsanna;

- (b) acmhainní nádúrtha a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, gníomhaíocht ar son na haeráide, agus béim a chur ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, ar an mbithéagsúlacht, ar ithir agus ar uisce;

- (c) forbairt chríochach chothrom, agus béim ar fhostaíocht tuaithe, ar fhás agus ar an mbochtaineacht i limistéir tuaithe.

Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena leagtar síos an tacar táscairí atá sonracha do na cuspóirí dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

Beidh na táscairí nasctha le struchtúr agus le cuspóirí an bheartais agus cumasófar leo measúnú ar dhul chun cinn, ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht an bheartais i dtaca leis na cuspóirí sin.

3. Léireofar leis an gcreat faireacháin agus meastóireachta struchtúr CBT ar an mbealach seo a leanas:

- (a) maidir leis na híocaíochtaí díreacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, na bearta margaidh dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, agus forálacha an Rialacháin seo, déanfaidh an Coimisiún faireachán ar na hionstraimí seo ar bhonn thuairisciú ó na Ballstáit i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sna Rialacháin sin. Bunóidh an Coimisiún plean meastóireachta ilbhliantúil lena mbeidh meastóireachtaí tréimhsiúla ar ionstraimí sonracha a chuirfear i ngníomh faoi fhreagracht an Choimisiúin. Meastóirí neamhspleácha a dhéanfaidh na meastóireachtaí sin agus déanfaidh siad in am trátha iad.
- (b) déanfar an faireachán agus an mheastóireacht ar ghníomhaíochtaí de chuid an bheartais fhorbairt tuaithe a chur i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 67 go hAirteagal 79 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.

Áiritheoidh an Coimisiún go ndéantar comhthionchar ionstraimí uile CBT dá dtagraítear i mír 1 a thomhas agus a mheasúnú i bhfianaise na gcomhchuspóirí dá dtagraítear i mír 2. Déanfar feidhmíocht CBT agus a chomhchuspóirí á mbaint amach aige a thomhas agus a mheasúnú ar bhonn comhtháscairí tionchair agus déanfar na cuspóirí sainiúla is bun dóibh a thomhas agus a mheasúnú ar bhonn táscairí torthaí. Bunaithe ar fhianaise a sholáthraítear i meastóireachtaí ar CBT, lena n-áirítear meastóireachtaí ar chlár forbartha tuaithe mar aon le foinsí faisnéise ábhartha eile, ullmhóidh an Coimisiún tuarascálacha maidir le comhfheidhmíocht ionstraimí uile an chomhbheartais talmhaíochta a thomhas agus a mheasúnú.

4. Soláthróidh na Ballstáit don Choimisiún gach faisnéis is gá chun go bhféadfar faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na bearta lena mbaineann. A oiread is féidir, beidh an fhaisnéis sin bunaithe ar fhoinní seanbhunaithe sonraí, amhail an Líonra Sonraí um Chuntasaíocht Feirme agus Eurostat.

Cuirfidh an Coimisiún san áireamh riachtanais sonraí na bhfoinsí féideartha sonraí agus na sineirgí eatarthu, agus go háirithe a n-úsáid chun críocha staidrimh, nuair is iomchuí.

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme, lena leagtar síos na rialacha maidir leis an bhfaisnéis atá le cur isteach ag na Ballstáit, agus an gá atá ann le haon ualach riaracháin míchuí a sheachaint á chur san áireamh aige, mar aon le riachtanais sonraí na bhfoinsí féideartha sonraí agus na sineirgí atá eatarthu. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

5. Tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil tosaigh maidir leis an Airteagal seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear na chéad torthaí faoi fheidhmíocht CBT, chuig Pharlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle faoin 31 Nollaig 2018. Tíolacfar dara tuarascáil lena n-áirítear measúnú ar fheidhmíocht CBT, faoin 31 Nollaig 2021.

Caibidil IV

Trédhearcacht

Airteagal 111

Foilsíú na dtairbhíthe

1. Áiríteoidh na Ballstáit go bhfoilseofar liosta ex-post thairbhíthe na gCisté ar bhonn bliantúil. San fhoilseachán beidh an méid seo a leanas:

- (a) gan dochar don chéad mhír d'Airteagal 112 den Rialachán seo, ainm an tairbhí, mar a leanas:
- (i) an céadainm agus an sloinne más duine nádúrtha é an tairbhí;
 - (ii) an t-ainm dlíthiúil iomlán mar a cláraíodh é más duine dlíthiúil é an tairbhí a bhfuil an phearsantacht dhlítheanach uathrialach aige de bhun reachtaíocht an Bhallstáit lena mbaineann;
 - (iii) ainm iomlán an chomhlachais mar a cláraíodh é nó mar a aithnítear go hoifigiúil ar bhealach eile é más comhlachas é an tairbhí nach bhfuil a bpearsantacht dhlítheanach féin aige;
- (b) an bhargasacht ina bhfuil cónaí ar an tairbhí nó ina bhfuil sé cláraithe agus, más infhaighte, an cód poist nó an chuid de lena saináithnítear an bhargasacht;
- (c) na méideanna íocaíochta a chomhfhreagraíonn do gach beart a mhaoineítear leis na Cisté TFT a fhaigheann gach tairbhí sa bhliain airgeadais lena mbaineann;
- (d) cineál agus cur síos ar na bearta a mhaoineítear le haon cheann de na Cisté agus faoina ndeonaítear an íocaíocht dá dtagraítear i bpointe (c).

An fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cuirfear ar fáil í ar láithreán aonair gréasáin do gach Ballstát. Beidh sí ar fáil ansin go ceann dhá bhliain ón dáta a bhfoilseofar den chéad uair í.

2. Maidir leis na híocaíochtaí a chomhfhreagraíonn do na bearta a mhaoineítear le CETFT dá dtagraítear i bpointe (c) den

chéad fhomhír de mhír 1, comhfhreagróidh na méideanna a fhoilseofar leis an maoiniú poiblí iomlán, lena n-áirítear ranníocaíocht an Aontais agus an ranníocaíocht náisiúnta araon.

Airteagal 112

Tairseach

Ní fhoilseoidh na Ballstáit ainm tairbhí dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 111(1) den Rialachán seo sna dálaí seo a leanas:

- (a) i gcás na mBallstát a bhunaíonn scéim na bhfeirmeoirí beaga dá bhforáiltear i dTeideal V de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, nuair is ionann méid na cabhrach a fhaigheann tairbhí in aon bhliain amháin agus an méid a shocraigh an Ballstát amhail dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 63(1) nó sa dara fomhír d'Airteagal 63(2) den Rialachán sin, nó nuair is lú ná an méid sin é;
- (b) i gcás na mBallstát nach mbunaíonn scéim na bhfeirmeoirí beaga dá bhforáiltear i dTeideal V de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, nuair is ionann méid na cabhrach a fhaigheann an tairbhí in aon bhliain amháin agus EUR 1 250 nó nuair is lú ná sin é.

I gcás a bhfuil feidhm ag pointe (a) den chéad fhomhír, poibleoidh an Coimisiún, i gcomhréir leis na rialacha a glacadh faoi Airteagal 114, na méideanna a shocraigh an Ballstát de bhun Airteagal 63 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 agus ar tugadh fógra don Choimisiún faoi faoin Rialachán sin.

I gcás ina mbeidh feidhm ag an gcéad mhír den Airteagal seo, foilseoidh na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (b), i bpointe (c) agus i bpointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 111(1) agus saináithneofar an tairbhí le cód. Cinnfidh na Ballstáit cineál an chóid sin.

Airteagal 113

Na tairbhíthe a chur ar an eolas

Cuirfidh na Ballstáit in iúl do na tairbhíthe go bpoibleofar a sonraí i gcomhréir le hAirteagal 111 agus go bhféadfaidh comhlachtaí iniúchóireachta agus fiosrúcháin de chuid an Aontais agus na mBallstát na sonraí a phróiseáil chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

I gcomhréir le ceanglais Threoir 95/46/CE, sa mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta, cuirfidh na Ballstáit na tairbhíthe ar an eolas i ndáil lena gcearta faoi na rialacha maidir le cosaint sonraí agus leis na nósanna imeachta is infheidhme maidir leis na cearta sin a fheidhmiú.

Airteagal 114

Cumhachtaí an Choimisiúin

Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha:

- (a) maidir leis an bhfoirm, lena n-áirítear an nós cur i láthair de réir birt, agus amchlár an fhoilsithe dá bhforáiltear in Airteagal 111 agus in Airteagal 112;
- (b) maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach Airteagal 113;

(c) rialacha maidir leis an gcomhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 116(3).

TEIDEAL VIII

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 115

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, dá dtagraítear in Airteagail 8, 20, 40, 46, 50, 53, 57, 62, 63, 64, 65, 66, 72, 76, 77, 79, 84, 89, 93, 101, 106, 107, 110 agus 120.

2. An chumhacht a thabharfar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, dá dtagraítear in Airteagail 8, 20, 40, 46, 50, 53, 57, 62, 63, 64, 65, 66, 72, 76, 77, 79, 84, 89, 93, 101, 106, 107, 110 agus 120, tabharfar dó í ar feadh tréimhse seacht mbliana ón dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm. Tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse seacht mbliana, tarraingeoidh an Coimisiún tuarascáil suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go huathoibríoch go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagail 8, 20, 40, 46, 50, 53, 57, 62, 63, 64, 65, 66, 72, 76, 77, 79, 84, 89, 93, 101, 106, 107, 110 agus 120 a chúlghairm am ar bith. Leis an gcinneadh cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a sonraítear sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh sin. Ní bheidh aon tionchar aige ar bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe a bheidh i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

5. Gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagail 8, 20, 40, 46, 50, 53, 57, 62, 63, 64, 65, 66, 72, 76, 77, 79, 84, 89, 93, 101, 106, 107, 110 agus 120, ní thiocfaidh sé i bhfeidhm ach amháin mura ndearna Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle aon agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ónar tugadh fógra i leith an ghnímh sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, nó más rud é, roimh don tréimhse sin dul in éag, gur chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon, in iúl don Choimisiún nach ndéanadh siad agóid. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.

Airteagal 116

An nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste dá ngairfear "Coiste na gCistí Talmhaíochta" cúnaimh don Choimisiún. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin.

Chun críoch Airteagail 15, 58, 62, 63, 64, 65, 66, 75, 77, 78, 89, 90, 96, 101 agus 104, i ndáil le hábhair a bhaineann le híocaíochtaí díreacha, forbairt tuaithe nó comheagraíocht na margaí, féadfaidh an Coiste um Íocaíochtaí Díreacha, an Coiste um Fhorbairt Tuaithe agus/nó an Coiste um Chomheagraíocht na Margaí Talmhaíochta a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, faoi seach, cúnaimh a thabhairt don Choimisiún. Is Coistí de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh 182/2011 a bheidh sna coistí sin.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 8, i gcás nach dtabharfaidh an coiste tuairim uaidh, ní ghlacfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 117

Sonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint

1. Baileoidh na Ballstáit agus an Coimisiún sonraí pearsanta chun a n-oibleagáidí bainistithe, rialaithe agus iniúchta faoi seach a chur i ngníomh chomh maith lena n-oibleagáidí faireacháin agus meastóireachta faoin Rialachán seo agus, go háirithe, na hoibleagáidí a leagtar síos i gCaibidil II de Theideal II, i dTeideal III, i gCaibidil III agus i gCaibidil IV de Theideal IV, i dTeideal V agus i dTeideal VI agus i gCaibidil III de Theideal VII agus chun críocha staidrimh freisin agus ní phróiseálfaidh siad na sonraí sin ar bhealach nach mbeadh comhoiriúnach leis an gcríoch sin.

2. Nuair a phróiseálfar sonraí pearsanta chun críche faireacháin agus meastóireachta faoi Chaibidil III de Theideal VII agus chun críocha staidrimh freisin, beidh siad anaithnid agus ní próiseálfar ach i bhfoirm chomhiomlánaithe iad.

3. Próiseálfar sonraí pearsanta i gcomhréir le rialacha Threoir 95/46/CE agus Rialachán CE) Uimh 45/2001. Go háirithe, ní stórálfar na sonraí sin i bhfoirm a mbeifear in ann ábhair shonraí a aithint go ceann tréimhse níos faide ná mar atá gá leis ar mhaithe leis an gcúis ar bailíodh iad nó lena bpróiseálfar tuilleadh iad agus na tréimhsí fosta coinneála a leagtar síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais a bhfuil feidhm leo á gcur san áireamh.

4. Cuirfidh na Ballstáit i bhfios do na daoine is ábhar do na sonraí go bhféadfaidh comhlachtaí náisiúnta agus comhlachtaí an Aontais a sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le mír 1 agus sa mhéid sin go dtairbhíonn siad de na cearta a leagtar amach sna rialacha maidir le sonraí pearsanta a chosaint de Threoir 95/46/CE agus de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 faoi seach.

5. Beidh an tAirteagal seo faoi réir Airteagail 111 go 114.

*Airteagal 118***Leibhéal an chur chun feidhme**

Beidh na Ballstáit freagrach as cláir a chur chun feidhme agus as a gcúraimí faoin Rialachán seo a chur i ngníomh ar an leibhéal a mheasfaidh siad is iomchuí, i gcomhréir lena gcreata institiúideacha, dlíthiúla agus airgeadais faoi seach agus faoi réir chomhlíonadh an Rialacháin seo agus rialacha ábhartha eile de chuid an Aontais.

*Airteagal 119***Aisghairm**

1. Aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008.

Leanfaidh Airteagal 31 de Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 agus na rialacha ábhartha cur chun feidhme, áfach, d'fheidhm a bheith acu go dtí an 31 Nollaig 2014.

2. Déanfar tagairtí do na Rialacháin aisghairithe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 17 Nollaig 2013.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
V. JUKNA

*Airteagal 120***Bearta idirthréimhseacha**

Chun aistriú rianúil a áirithiú ó na socrúithe dá bhforáiltear sna Rialacháin aisghairithe dá dtagraítear in Airteagal 118 chuig na socrúithe a leagtar síos sa Rialachán seo, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115 maidir leis na cásanna ina bhféadfaidh feidhm a bheith ag maoluithe ó na rialacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

*Airteagal 121***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014.

2. Mar sin féin, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

- (a) Airteagail 7, 8, 16, 25, 26 agus 43, ón 16 Deireadh Fómhair 2013 ar aghaidh;
- (b) Airteagal 18 agus Airteagal 40 le haghaidh an chaiteachais a rinneadh ó 16 Deireadh Fómhair 2013 ar aghaidh;
- (c) Airteagal 52, ó 1 Eanáir 2015 ar aghaidh.

IARSCRÍBHINN I

FAISNÉIS I RÉIMSE AN MHAOLAITHE AR AN ATHRÚ AERÁIDE AGUS AN OIRIÚNAITHE DON ATHRÚ SIN, I RÉIMSE NA BITHÉAGSÚLACHTA AGUS NA COSANTA AR AN UISCE MAR A LEAGTAR SÍOS Í I BPOINTE (D) D'AIRTEAGAL 12(3)

Maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin:

- Faisnéis maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide sna réigiúin ábhartha agus ag astaíochtaí gás ceaptha teasa na gcleachtas ábhartha feirmeoireachta, agus faisnéis maidir leis an méid is féidir le hearnáil na talmhaíochta a dhéanamh chun é sin a mhaolú le cleachtas fheabhsaithe feirmeoireachta agus agraifhoraoiseachta agus trí thionscadail fuinnimh in-athnuaite agus tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh a fhorbairt ar fheirmeacha.
- Faisnéis lena gcabhrófar le feirmeoirí an infheistíocht is fearr a dhéanamh i "ndíonadh" a gcuid feirmeacha ó thaobh na haeráide de, agus maidir le cistí de chuid an Aontais is féidir leo a úsáid chuige sin; agus go háirithe, faisnéis maidir le talamh feirme a oiriúnú do luaineachtaí aeráideacha agus d'athruithe fadtéarmacha agus faisnéis maidir le bearta praiticiúla agraíochta lena gcuirfí le buaine na gcóras feirmeoireachta i gcoinne tuilte agus triomach chomh maith le faisnéis maidir le conas feabhas a chur ar leibhéal carbóin na hithreach.

An Bithéagsúlacht:

- Faisnéis maidir leis an gcomhghaol dearfach idir an bhithéagsúlacht agus athléimneacht an agraí-éiceachórais, agus maidir leis an riosca a scaipeadh agus freisin an nasc idir an monashaothrú agus an leochaileacht i dtaobh teip na mbarr agus dochar ó lotnaidí agus ó mhórthubaistí na haeráide
- Faisnéis maidir leis an gcaoi is fearr chun cosc a chur ar scaipeadh na speiceas coimhthíocha ionracha agus maidir leis an tábhacht a bhaineann leis sin ó thaobh fheidhmiú éifeachtach an éiceachórais agus ó thaobh a chuid athléimneachta i gcoinne athrú na haeráide, lena n-áirítear faisnéis maidir le cistiú do scéimeanna díothaithe a mbeadh costais bhreise ag roinnt leo

Cosaint an Uisce:

- Faisnéis maidir le córais inbhuanaithe, ísealoirte, uisciúcháin agus leis an gcaoi chun barrfheabhas a chur ar chórais bháisteach-chothaithe, ar mhaithe le húsáid éifeachtúil an uisce a chur chun cinn.
- Faisnéis maidir le húsáid an uisce sa talmhaíocht a laghdú, lena n-áirítear roghnúchán na mbarr, faisnéis maidir le húmas na hithreach a fheabhsú chun an choinneáil uisce a mhéadú agus maidir leis na riachtanais uisciúcháin a laghdú.

Ginearálta

- Roinnt na scothcleachtas, na hoiliúna agus fhorbairt na n-acmhainní (infheidhme maidir leis an athrú aeráide agus an oiriúnaithe don athrú sin, maidir leis an bithéagsúlacht agus an chosaint ar an uisce l a luaitear thuas san Iarscríbhinn seo).

IARSCRÍBHINN II

NA RIALACHA MAIDIR LE TRAS-CHOMHLÍONADH DE BHUN AIRTEAGAL 93

CRB: Ceanglas reachtúil bainistíochta

CDTCT: Caighdeáin maidir le dea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil talún

Réimse	An príomh-shaincheist	Ceanglais agus caighdeáin		
An comhshaoil, athrú na haeráide, dea-bhail talmhaíochta talún	Uisce	CRB 1	Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1)	Airteagal 4 agus Airteagal 5
		CDTCT 1	Stiallacha maoláin a chur feadh uiscebhealaí ⁽¹⁾	
		CDTCT 2	I gcás ina bhfuil úsáid uisce le haghaidh uisciúcháin faoi réir údarú, na nósanna imeachta údarúcháin a chomhlíonadh	
		CDTCT 3	Screamhuisce a chosaint in aghaidh truailliú: toirmeasc ar sceitheadh díreach isteach i screamhuisce agus bearta chun cosc a chur ar thruailliú indíreach screamhuisce de dheasca substaintí contúirteacha a bheith á sceitheadh ar an talamh agus ag síothlú tríd an ithir, ar substaintí iad atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 80/68/CEE sa leagan a bheidh i bhfeidhm ar an lá deireanach a mbeidh an Treoir bailíoch, a mhéid agus a bhaineann le gníomhaíocht thalmhaíochta	
	Ithir agus stoc carbóin	CDTCT 4	Íoschlúdach ithreach	
		CDTCT 5	Íosbhainistiú talún a chuireann san áireamh dálaí atá sonrach don suíomh d'fhonn creimeadh a theorannú	
		CDTCT 6	Leibhéal ábhar orgánaigh na hithreach a choinneáil mar atá sé trí chleachtais iomchuí lena n-áirítear toirmeasc a chur a choinleach arúil a loscadh, ach amháin ar chúiseanna sláinte ainmhithe ⁽²⁾	
	Bithéagsúlacht	CRB 2	Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7)	Airteagal 3(1), Airteagal 3 (2)(b), Airteagal 4(1), (2) agus (4)
		CRB 3	Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7)	Airteagal 6(1) agus (2)
	Tírdhreach, íosleibhéil cothabhála,	CDTCT 7	Gnéithe den tírdhreach a choinneáil, lena n-áirítear, nuair is iomchuí, fála, linnte, díoga, crainn ina sraith, ina ngrúpa nó crainn aonair, imill pháirce agus léibhinn, lena n-áirítear cosc ar fhálta agus crainn a ghearradh le linn sheasúr ghoir agus fáis na n-éan, agus, mar rogha, bearta chun speicis ionracha phlandaí a sheachaint	
Sláinte phoiblí, sláinte ainmhithe agus sláinte plandaí	Sábháilteacht bia	CRB 4	Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos príonsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1)	Airteagal 14 agus Airteagal 15, Airteagal 17 (1) ⁽³⁾ agus Airteagal 18, Airteagal 19 agus Airteagal 20

Réimse	An príomh-shaincheist	Ceanglais agus caighdeán		
		CRB 5	Treoir 96/22/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 a bhaineann le toirmeasc ar shubstaintí áirithe a ngabhann gníomhaíocht hormónach nó threastatach leo, agus ar bhéite-agonaithe, a úsáid i bhfeirmeoireacht stoic agus lena n-aisghairtear Treoracha 81/602/CEE, 88/146/CEE agus 88/299/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 3)	Airteagal 3 (a), (b), (d) agus (e) agus Airteagail 4, 5 agus 7
	Sainaitheint agus clárú ainmhithe	CRB 6	Treoir 2008/71/CE ón gComhairle an 15 Iúil 2008 maidir le sainaitheint agus clárú muc (IO L 213, 8.8.2005, lch. 31)	Airteagail 3, 4 agus 5
		CRB 7	Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Iúil 2000 lena mbunaítear córais chun bó-ainmhithe a shainaitheint agus a chlárú agus maidir le mairteoil agus táirgí mairteola a lipéadú agus lena n-aisghairtear Treoir (CE) Uimh. 820/97 (IO L 204, 11.8.2000, lch. 1)	Airteagal 4 agus Airteagal 7
		CRB 8	Rialachán (CE) Uimh. 21/2004 ón gComhairle an 17 Nollaig 2003 lena mbunaítear córas chun ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair a shainaitheint agus a chlárú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 agus Treoir 92/102/CEE agus Treoir 64/432/CEE (IO L 5, 9.1.2004, lch. 8)	Airteagail 3, 4 agus 5
	Galair ainmhithe	CRB 9	Rialachán (EC) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha chun einceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1)	Airteagail 7, 11, 12, 13 agus 15
	Táirgí cosanta plandaí	CRB 10	Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1)	Airteagal 55, an chéad abairt agus an dara habairt
Leas ainmhithe	Leas ainmhithe	CRB 11	Treoir 2008/119/CE ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 lena leagtar síos íoschaighdeán maidir le cosaint laonna (IO L 10, 15.1.2009, lch. 7)	Airteagal 3 agus Airteagal 4
		CRB 12	Treoir 2008/120/CE ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 lena leagtar síos íoschaighdeán maidir le cosaint muc (IO L 10, 15.1.2009, lch. 5)	Airteagal 3 agus Airteagal 4
		CRB 13	Treoir 98/58/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le cosaint ainmhithe a choinnítear chun críoch feirmeoireachta (IO L 221, 8.8.1998, lch. 23)	Airteagal 4

(1) Caithfidh na stiallacha maoláin, idir mhaoláin atá laistigh de na limistéir leochaileacha a sainíodh de bhun Airteagal 3(2) de Threoir 91/676/CEE agus mhaoláin atá lasmuigh díobh, ar a laghad na ceanglais a bhaineann le leasachán a leathadh ar thalamh atá gar d'uiscebhealaí a chomhlíonadh, ceanglais dá dtagraítear i bpointe A.4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 91/676/CEE agus atá le cur i bhfeidhm i gcomhréir le clár gníomhaíochta na mBallstát a bhunaítear faoi Airteagal 5(4) de Threoir 91/676/CEE.

(2) Féadfar an ceanglas seo a theorannú go toirmeasc ginearálta a chur ar choinleach arúil a loscadh, ach féadfaidh Ballstát cinneadh a dhéanamh ceanglais bhreise a fhorordú.

(3) Go háirithe mar a chuirtear chun feidhme le:

- Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 37/2010,
- Rialachán (CE) Uimh. 852/2004: Airteagal 4(1) agus Iarscríbhinn I cuid A (II 4 (g, h, j), 5 (f, h), 6; III 8 (a, b, d, e), 9 (a, c)),
- Rialachán (CE) Uimh. 853/2004: Airteagal 3(1) agus Iarscríbhinn III Roinn IX Caibidil 1 (I-1 b, c, d, e; I-2 a (i, ii, iii), b (i, ii), c; I-3; I-4; I-5; II-A 1, 2, 3, 4; II-B 1(a, d), 2, 4 (a, b)), Iarscríbhinn III Roinn X Caibidil 1(1),
- Rialachán (CE) Uimh. 183/2005: Airteagal 5(1) agus Iarscríbhinn I, cuid A (I-4 e, g; II-2 a, b, e), Airteagal 5(5) agus Iarscríbhinn III (1, 2), Airteagal 5(6), agus
- Rialachán (CE) Uimh. 396/2005: Airteagal 18.

IARSCRÍBHINN III

TÁBLA COMHGHAOIL

1. Rialachán (CEE) Uimh. 352/78

Rialachán (CEE) Uimh. 352/78	An Rialachán seo
Airteagal 1	Airteagal 43(1)(e)
Airteagal 2	Airteagal 43(2)
Airteagal 3	Airteagal 46(1)
Airteagal 4	—
Airteagal 5	—
Airteagal 6	—

2. Rialachán (CE) Uimh. 2799/98

Rialachán (CE) Uimh. 2799/98	An Rialachán seo
Airteagal 1	—
Airteagal 2	Airteagal 105(2) agus Airteagal 106
Airteagal 3	Airteagal 106
Airteagal 4	—
Airteagal 5	—
Airteagal 6	—
Airteagal 7	Airteagal 107
Airteagal 8	Airteagal 108
Airteagal 9	—
Airteagal 10	—
Airteagal 11	—

3. Rialachán (CE) Uimh. 814/2000

Rialachán (CE) Uimh. 814/2000	An Rialachán seo
Airteagal 1	Airteagal 45(1)
Airteagal 2	Airteagal 45(2)
Airteagal 3	—
Airteagal 4	—
Airteagal 5	—
Airteagal 6	—
Airteagal 7	—
Airteagal 8	Airteagal 45(5)
Airteagal 9	—
Airteagal 10	Airteagail 45(4) agus 116
Airteagal 11	—

4. Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005

Rialachan (CE) Uimh. 1290/2005	An Rialachán seo
Airteagal 1	Airteagal 1
Airteagal 2	Airteagal 3
Airteagal 3	Airteagal 4
Airteagal 4	Airteagal 5
Airteagal 5	Airteagal 6
Airteagal 6	Airteagal 7
Airteagal 7	Airteagal 9
Airteagal 8	Airteagal 102
Airteagal 9	Airteagal 58
Airteagal 10	Airteagal 10
Airteagal 11	Airteagal 11
Airteagal 12	Airteagal 16
Airteagal 13	Airteagal 19
Airteagal 14	Airteagal 17
Airteagal 15	Airteagal 18
Airteagal 16	Airteagal 40
Airteagal 17	Airteagal 41(1)
Airteagal 17a	Airteagal 41(2)
Airteagal 18	Airteagal 24
Airteagal 19	Airteagal 27
Airteagal 20	Airteagal 28
Airteagal 21	Airteagal 29
Airteagal 22	Airteagal 32
Airteagal 23	Airteagal 33
Airteagal 24	Airteagal 34
Airteagal 25	Airteagal 35
Airteagal 26	Airteagal 36
Airteagal 27	Airteagal 41(1)
Airteagal 27a	Airteagal 41(2)
Airteagal 28	Airteagal 37
Airteagal 29	Airteagal 38
Airteagal 30	Airteagal 51
Airteagal 31	Airteagal 52
Airteagal 32	Airteagal 54 agus Airteagal 55
Airteagal 33	Airteagal 54 agus Airteagal 56
Airteagal 34	Airteagal 43

Rialachan (CE) Uimh. 1290/2005	An Rialachán seo
Airteagal 35	—
Airteagal 36	Airteagal 48
Airteagal 37	Airteagal 47
Airteagal 38	—
Airteagal 39	—
Airteagal 40	—
Airteagal 41	Airteagal 116
Airteagal 42	—
Airteagal 43	Airteagal 109
Airteagal 44	Airteagal 103
Airteagal 44a	Airteagal 113(1)
Airteagal 45	Airteagal 105(1) agus Airteagal 106(3) agus (4)
Airteagal 46	—
Airteagal 47	Airteagal 119
Airteagal 48	Airteagal 120
Airteagal 49	Airteagal 121

5. Rialachán(CE) Uimh. 485/2008

Rialachán (CE)Uimh. 485/2008	An Rialachán seo
Airteagal 1	Airteagal 79
Airteagal 2	Airteagal 80
Airteagal 3	Airteagal 81
Airteagal 4	—
Airteagal 5	Airteagal 82(1), (2) agus (3)
Airteagal 6	Airteagal 82(4)
Airteagal 7	Airteagal 83
Airteagal 8	Airteagal 103(2)
Airteagal 9	Airteagal 86
Airteagal 10	Airteagal 84
Airteagal 11	Airteagal 85
Airteagal 12	Airteagal 106(3)
Airteagal 13	—
Airteagal 14	—
Airteagal 15	Airteagal 87
Airteagal 16	—
Airteagal 17	—

Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cros-chomhlíonadh

Iarrann an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar thrasuí agus ar chur chun feidhme ag na Ballstáit Threoir 2000/60/CE an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce agus Threoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach agus, i gcás inarb iomchuí, nuair a chuirfear na Treoracha sin chun feidhme sna Ballstáit uile agus nuair a shainaithneofar na hoibleagáidí sin is infheidhme go díreach maidir le feirmeoirí, togra reachtach a thíolacadh chun codanna ábhartha na dTreoracha sin a áireamh i gcóras an tras-chomhlíonta.

**RIALACHÁN (AE) Uimh. 1307/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 17 Nollaig 2013**

**lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi
chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008
ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 42 agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais 1979, agus go háirithe mír 6 de Phrótocal Uimh. 4 maidir le cadás atá ag gabháil leis,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí ⁽¹⁾,

Ag féachaint do na tuairimí ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽²⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽³⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽⁴⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal "CBT as seo go 2020: Na dúshláin a bhaineann le bia, acmhainní nádúrtha agus críocha amach anseo a bhaint amach" leagtar amach na dúshláin, na cuspóirí agus na treoshuímh a d'fhéadfadh a bheith ann don Chomhbheartas Talmhaíochta ("CBT") tar éis 2013. I bhfianaise na díospóireachta i dtaobh na Teachtaireachta sin, ba cheart CBT a athchóiriú le héifeacht ón 1 Eanáir 2014. Ba cheart go gcumhdófaí príomhionstraimí uile CBT san athchóiriú sin, lena n-áirítear Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle ⁽⁵⁾. I bhfianaise raon feidhme an athchóirithe sin, is iomchuí Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 a aisghairm agus téacs nua a chur ina

ionad. Ba cheart don athchóiriú na forálacha ábhartha a chomhchuíú agus a shimplíú freisin.

(2) Ceann amháin de na príomhchuspóirí agus ceann de na príomhcheanglais an athchóirithe ar CBT is ea an t-ualach riaracháin a laghdú. Ba cheart sin a chur san áireamh go daingean agus na forálacha ábhartha le haghaidh na scéime tacaíochta díri á múnla.

(3) Ba cheart na buneilimintí uile a bhaineann le tacaíocht ón Aontas a íoc le feirmeoirí a áirithiú sa Rialachán seo, ar cheart go socrófaí ann freisin na coinníollacha rochtana ar íocaíochtaí a bhfuil dlúthbhaint acu leis na buneilimintí sin.

(4) Is gá a shoiléiriú gur cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾ agus ag na forálacha arna nglacadh dá bhun maidir leis na bearta a leagtar amach sa Rialachán seo. Chun críche comhsheasmhachta le hionstraimí eile dlí a bhaineann le CBT, tá roinnt rialacha dá bhforáiltear faoi láthair i Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 anois, go háirithe na rialacha a leagtar amach d'fhonn a ráthú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a leagtar síos le forálacha íocaíochta díri, lena n-áirítear seiceálacha agus cur i bhfeidhm beart riaracháin agus pionós riaracháin maidir le neamh-chomhlíonadh, na rialacha a bhaineann le tras-chomhlíonadh amháin na ceanglais reachtúla bainistíochta, dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil, faireachán agus meastóireacht ar bhearta ábhartha agus ar na rialacha a bhaineann le réamhíocaíochtaí a íoc agus le híocaíochtaí neamhdhlite a aisghabháil.

(5) Chun eilimintí áirithe neamhriachtanacha den Rialachán seo a fhorlíonadh nó a leasú, ba cheart an chumhacht a tharmligeán chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("CFAE"). Tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Le linn dó gníomhartha tarmlichte a ullmhú agus a tharraingt suas, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.

⁽¹⁾ Tuairim an 8 Márta 2012 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽²⁾ IO C 191, 29.6.2012, lch. 116 agus IO C 44, 15.2.2013, lch. 159.

⁽³⁾ IO C 225, 27.7.2012, lch. 174.

⁽⁴⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Samhain 2013 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle an 19 Eanáir 2009 lena mbunaítear comhrialacha do scéimeanna díreacha tacaíochta d'feirmeoirí faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus lena mbunaítear scéimeanna áirithe tacaíochta d'feirmeoirí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005, (CE) Uimh. 247/2006, (CE) Uimh. 378/2007 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 (IO L 30, 31.1.2009, lch. 16).

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le maoiniú agus bainistiú an chomhbheartais talmhaíochta agus maidir le faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE)Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/97, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 (Féach leathanach 549 den Iris Oifigiúil seo).

- (6) Ba cheart go mbeadh sa Rialachán seo liosta de na scéimeanna tacaíochta íocaíochta díri a chumhdaítear leis an Rialachán. Chun reachtaíocht nua maidir le scéimeanna tacaíochta a fhéadfar a ghlacadh tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir leis an liosta sin a leasú.
- (7) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir leis an gcreat a bhunú faoina mbeidh ar na Ballstáit na critéir a shainiú is gá d'fheirmeoirí a chomhlíonadh d'fhonn an oibleagáid a urramú an limistéar talmhaíochta a choinneáil i riocht a bheidh oiriúnach d'innilt nó do shaothrú agus íosmhéid na ngníomhaíochtaí atá le déanamh i limistéar a choinnítear de ghnáth i riocht atá oiriúnach d'innilt nó do shaothrú a shainiú mar aon leis an critéir chun barrachas féar agus foráiste luibhigh eile a chinneadh agus lena gcinnfear na cleachtais áitiúla sheanbhunaithe i ndáil le féarthailte buana agus féarach buan ("féarthailte buana").
- (8) D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh na méideanna atá ann chun CBT a mhaoiniú na huasteorainneacha bliantúla dá dtagraítear in Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ba cheart an coigeartú ar leibhéal na tacaíochta díri do gach bliain féilire a dhéanamh mar a fhoráiltear faoi Airteagal 25 den Rialachán sin. Ar mhaithe lena áirithiú go gcuideoidh sé leis an gcuspóir maidir le leithdháileadh níos cothroime na n-íocaíochtaí idir tairbhíthe beaga agus tairbhíthe móra a bhaint amach, níor cheart coigeartú na n-íocaíochtaí díreacha a chur i bhfeidhm ach ar íocaíochtaí atá le deonú d'fheirmeoirí ar íocaíochtaí iad atá níos mó ná EUR 2 000 sa bhliain chomhfhreagrach féilire. Ag cur san áireamh leibhéal na n-íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí sa Bhulgáir, sa Chróit agus sa Rómáin faoi chuimsiú chur i bhfeidhm an tsásra um chéimniú isteach maidir leis na híocaíochtaí díreacha ar fad a dheonaítear sna Ballstáit sin, níor cheart feidhm a bheith ag an ionstraim um smacht airgeadais sin sa Bhulgáir agus sa Rómáin ach ón 1 Eanáir 2016 amach agus sa Chróit amháil ón 1 Eanáir 2022 amach. Ba cheart rialacha sonracha a leagan síos maidir leis an ionstraim um smacht airgeadais sin agus maidir le roinnt forálacha eile i gcás duine dhlítheanaigh, nó grúpa daoine nádúrtha nó dlítheanacha, má fhoráiltear leis an dlí náisiúnta do chearta agus d'oibleagáidí na gcomhaltaí aonair a bheidh inchomparáide le cearta feirmeoirí aonair atá i gceannas ar ghabháltas d'fhonn na struchtúir thalmhaíochta a neartú agus bunú na ndaoine nó na ngrúpaí dlítheanacha nó dlíthiúla lena mbaineann a chur chun cinn.
- (9) D'fhonn a áirithiú go gcuirfeadh i bhfeidhm ar bhealach ceart agus cuí na coigeartuithe ar na híocaíochtaí díreacha maidir le smacht airgeadais, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil le rialacha maidir leis an mbonn le haghaidh ríomh na laghduithe a chuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm maidir le feirmeoirí de bhun an smacht airgeadais a chur i bhfeidhm.
- (10) Léiríonn taithí a fuarthas ó na scéimeanna éagsúla tacaíochta d'fheirmeoirí a chur i bhfeidhm, gur deonaíodh tacaíocht i roinnt cásanna do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha nach raibh a gcuspóir gnó dírithe ar ghníomhaíocht talmhaíochta, nó nach raibh a gcuspóir gnó dírithe ach go himeallach ar ghníomhaíocht talmhaíochta. Chun a áirithiú go ndéanfar spriocdhírú níos fearr ar thacaíocht, ba cheart do na Ballstáit staonadh ó íocaíochtaí díreacha a dheonú do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha áirithe seachas i gcás inar féidir leis na daoine sin a léiriú nach imeallach í an ghníomhaíocht talmhaíochta a dhéanann siad. Ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann gan íocaíochtaí díreacha a dheonú do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha ar imeallach í an ghníomhaíocht talmhaíochta a dhéanann siad. Mar sin féin, ba cheart go ligfí do na Ballstáit íocaíochtaí díreacha a dheonú d'fheirmeoirí páirtaimseartha beaga toisc go rannchuidíonn na feirmeoirí sin go díreach le beogacht na gceantar tuaithe. Ba cheart do na Ballstáit staonadh freisin ó íocaíochtaí díreacha a dheonú do dhaoine nádúrtha nó do dhaoine dlítheanacha, ar limistéir iad a limistéir talmhaíochta a choinnítear go nádúrtha, den chuid is mó, i riocht atá oiriúnach d'innilt nó do shaothrú ach nach ndéanann gníomhaíochtaí íosta áirithe.
- (11) Chun cosaint chearta feirmeoirí a ráthú, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil le critéir a leagan síos chun na cásanna a chinneadh ina measfar limistéar talmhaíochta feirmeora a bheith den chuid is mó ina limistéar a choimeádtar go nádúrtha i riocht atá oiriúnach d'innilt nó do shaothrú, critéir chun idirdhealú a dhéanamh idir fáltas ó ghníomhaíochtaí talmhaíochta agus ó ghníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta, agus chun méid na n-íocaíochtaí díreacha a shuíomh is ábhartha chun tástáil na himeallachta a chur i bhfeidhm agus na critéir is gá d'fheirmeoirí a chomhlíonadh d'fhonn a chruthú nach imeallach an ghníomhaíocht talmhaíochta a dhéanann siad.
- (12) Chun an ró-ualach riaracháin a bhfuil bainistiú íocaíochtaí ar mhéideanna beaga ina chúis leis a sheachaint, ba cheart do na Ballstáit, de ghnáth, staonadh ó íocaíochtaí díreacha a dheonú i gcás ina mbeadh an méid níos lú ná EUR 100 nó ina mbeadh limistéar incháilithe an ghabháltas a bhfuil íocaíocht á héileamh ina leith níos lú ná heicteár amháin. Mar sin féin, toisc go bhfuil éagsúlachtaí móra idir struchtúir feirmeoireachta na mBallstát agus toisc go bhféadfadh éagsúlachtaí suntasacha a bheith idir na struchtúir sin agus an meánstruchtúr feirmeoireachta san Aontas, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit íostáirsigh a chur i bhfeidhm a chuireann san áireamh a staid ar leith féin. De bharr an struchtúir feirmeoireachta a bheith an-sonrach sna réigiúin is forimeallaí agus sna hoileáin bheaga Aeigéacha, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann cinneadh a dhéanamh ar cheart íostáirseach a bheith i bhfeidhm sna réigiúin sin. Ina theannta sin, ba cheart do Bhallstáit a roghnú go gcuirfí chun feidhme ceann amháin den dá chineál íostáirseach, ag cur san áireamh saintréithe na struchtúir ina n-earnálacha feirmeoireachta féin. Toisc go bhféadfaí íocaíocht a dheonú d'fheirmeoirí a dtugtar feirmeoirí "gan ghabháltas" orthu, ní bheadh éifeacht ag cur i bhfeidhm na táirsí heicteárbhunaithe. Dá bhrí sin ba cheart feidhm a bheith ar na feirmeoirí sin ag an íosmhéid a bhaineann le tacaíocht. Chun

cóireáil chomhionann na bhfeirmeoirí sa Bhulgáir, sa Chróit agus sa Rómáin a áirithiú a bhfuil a n-íocaíochtaí díreacha faoi réir a gcéimniú-isteach, ba cheart an íostáirseach sna Ballstáit sin a bheith bunaithe ar na méideanna deireanacha a bheidh le deonú ag deireadh an phróisis chéimnithe-isteach.

- (13) Saintréith de leithdháileadh tacaíochta ioncaim dhúirigh i measc feirmeoirí is ea méideanna díreácha íocaíochtaí a bheith á leithdháileadh ar líon réasúnta beag tairbhíthe móra. Ní bhíonn an leibhéal céanna tacaíochta aonadaí de dhith ar na tairbhíthe móra chun cuspóir na tacaíochta ioncaim a bhaint amach go héifeachtúil, de thoradh barainneachta méide. Ina theannta sin, is éasca do na tairbhíthe móra feidhmiú le leibhéal níos ísle tacaíochta aonadaí de bharr a gcumas oiriúnaithe. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit an chuid den íocaíocht bhunúsach a laghdú, arb í an chuid atá le deonú d'fheirmeoirí atá 5 % ar a laghad níos mó ná EUR 150 000. Féadfaidh na Ballstáit déine na hoibre tuarastail a chur san áireamh, agus an sásra á cur i bhfeidhm acu, chun tionchar díreáreach ar fheirmeacha móra le líon ard fostaithe a sheachaint. Chun go mbeidh éifeacht ag an laghdú sin ar an leibhéal tacaíochta, níor cheart aon tairbhe a thabhairt d'fheirmeoirí a chruthaíonn dálaí go saorga chun na héifeachtaí sin a sheachaint. Ba cheart do na fáiltais ó laghdú íocaíochtaí le tairbhíthe móra fanacht sna Ballstáit inar gineadh iad agus ba cheart iad a chur ar fáil mar thacaíocht Aontais do bhearta arna gcistiú faoin Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFC).
- (14) Ba cheart glan-uasteorainneacha a chinneadh do gach Ballstát chun na híocaíochtaí atá le déanamh le feirmeoirí a theorannú tar éis an laghdú ar íocaíochtaí a chur i bhfeidhm. Chun saintréithe na tacaíochta CBT a chur san áireamh, a dheonaítear i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ agus Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾ agus ós rud é nach bhfuil na híocaíochtaí díreacha sin faoi réir laghdú ar íocaíochtaí, níor cheart go n-áireofaí na híocaíochtaí díreacha sin i nglan-uasteorainn na mBallstát lena mbaineann.
- (15) Chun na forbairtí a bhaineann le huasmhéideanna iomlána na n-íocaíochtaí díreacha a d'fhéadfaí a dheonú a chur san áireamh, lena n-áirítear na forbairtí atá mar thoradh ar na cinntí atá le glacadh ag na Ballstáit maidir le haistrithe idir an chéad cholún agus an dara colún, agus laghdú chur i bhfeidhm, agus i gcás inarb infheidhme uasteorainn ar íocaíochtaí, mar aon leis na forbairtí a bheidh mar thoradh ar na fógraí atá le tabhairt ag an gCróit maidir leis an talamh ar glanadh na mianaigh talún di agus atá in úsáid arís chun críoch talmhaíochta, ba cheart an chumhacht a tharmligeán

chuig an gCoimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil leis na huasteorainneacha náisiúnta agus na glan-uasteorainneacha a leagtar amach sa Rialachán seo a oiriúnú.

- (16) Maidir le forálacha an Rialacháin seo a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar iompar Ballstát a d'fhéadfadh bheith i dteideal Státchabhrach, ba cheart a shonrú go ndéantar iad a eisiáimh ó chur i bhfeidhm na rialacha maidir le Státchabhair ós rud é go bhfuil ar áireamh iontu, coinníollacha iomchuí maidir le tacaíocht a dheonú, nó toisc go bhforáiltear iontu go ndéanfaidh an Coimisiún na coinníollacha sin a ghlacadh, chun saobhadh míchuí na hiomaíochta a chosc.
- (17) D'fhonn beartas forbartha tuaithe na mBallstát a neartú, ba cheart caoi a thabhairt dóibh cistí a aistriú ó uasteorainn a n-íocaíochtaí díreacha chuig an tacaíocht atá sannta acu don fhorbairt tuaithe. Ba chóir go dtabharfaí an deis freisin do Bhallstáit cistí a aistriú ón tacaíocht atá sannta acu don fhorbairt tuaithe chuig an uasteorainn atá acu maidir le híocaíochtaí díreacha. D'fhonn éifeachtacht na huirlise a áirithiú, ba cheart an deis a thabhairt do na Ballstáit a gcinneadh bunaidh a athbhreithniú uair amháin le héifeacht ón mbliain éilimh 2018 amach ar choinníoll nach mbeidh aon íslíú ar na méideanna a shanntar d'fhorbairt tuaithe i gceist le haon chinneadh atá bunaithe ar athbhreithniú den sórt sin.
- (18) Chun cuspóirí CBT a bhaint amach, d'fhéadfadh sé gur ghá na scéimeanna tacaíochta a chur in oiriúint d'fhorbairtí atá ag athrú, laistigh de theorainneacha gearra ama más gá. Dá bhrí sin, is gá foráil a dhéanamh maidir le hathbhreithniú féideartha ar na scéimeanna tacaíochta, go háirithe i bhfianaise forbairtí eacnamaíochta nó an choir bhuiséadaigh, ag cur in iúl ar an doigh sin nach féidir leis na tairbhíthe bheith ag déanamh talamh slán de go bhfanfaidh coinníollacha tacaíochta mar atá.
- (19) Feirmeoirí sna Ballstáit sin a d'aontaigh don Aontas an 1 Bealtaine 2004 nó ina dhiaidh sin, fuair siad íocaíochtaí díreacha mar gheall ar shásra um chéimniú isteach dá bhforáiltear sna hlonstraimí Aontachais ábhartha. Maidir leis an mBulgáir agus an Rómáin, beidh an sásra sin fós i bhfeidhm in 2015 agus maidir leis an gCróit, beidh sé i bhfeidhm go dtí 2021. Ina theannta sin, bhí cead ag na Ballstáit sin íocaíochtaí náisiúnta díreacha comhlántacha a dheonú. Ba cheart an fhéidearthacht na híocaíochtaí sin a dheonú a choimeád i gcás na Cróite agus, chun scéim na híocaíochta bunúsaí a chomhlánú, i gcás na Bulgáire agus na Rómáine go dtí go ndéanfar iad a chéimniú isteach ina n-iomláine. Maidir leis an gCróit a údarú chun íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha a dheonú, ba cheart go gcumhachtófaí don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh gac Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽³⁾. a chur i bhfeidhm.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí san Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 (IO L 78, 20.3.2013, lch. 23).

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na nOileán beag Aigéach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1405/2006 ón gComhairle (IO L 78, 20.3.2013, lch. 41).

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na príonsabail ghinearálta maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú chumhachtaí cur chun feidhmiú ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (20) Déantar foráil i Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 arna leasú le hIonstraim Aontachais 2011, maidir le cúlchiste náisiúnta speisialta don Chróit i ndáil leis an talamh a ghlanadh de mhianaigh talún chun go maoiníofar, ar feadh tréimhse deich mbliana tar éis a aontachais leis an Aontas, leithdháileadh na dteidlíochtaí íocaíochta don talamh a nglanfar na mianaigh di agus a úsáidfead arís chun críoch talmhaíochta gach bliain. Is iomchuí na rialacha a leagan amach maidir leis na méideanna a chinneadh a bheidh cionroinnte ar thacaíocht don talamh sin a mhaoiniú faoi na scéimeanna tacaíochta dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus na rialacha do bhainistiú an chúlchiste sin. Chun na méideanna a bheidh mar thoradh ar na fógraí atá le tabhairt ag an gCróit maidir leis an talamh ar glanadh na mianaigh talún di agus atá in úsáid arís chun críoch talmhaíochta a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht a tharmligeán chuig an gCoimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil le hathbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha airgeadais áirithe a bhfuil feidhm acu maidir leis an gCróit.
- (21) Chun a áirithiú go ndéanfar an tacaíocht a leithdháileadh ar bhealach níos fearr thar talamh talmhaíochta san Aontas, lena n-áirítear talamh na mBallstát sin a chur i bhfeidhm an scéim íocaíochta aonair limistéir a bunaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, ba cheart scéim nua íocaíochta bunúsaí a chur in ionad na scéime íocaíochta aonair a bunaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus a leantar leis faoi Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, inar tugadh le chéile sásraí tacaíochta a bhí ann cheana in aon scéim amháin d'íocaíochtaí díreacha díchúpláilte. Dá ndéanfaí amhlaidh, ba cheart, i bprionsabal, go rachadh na teidlíochtaí íocaíochta a gheofar faoi na Rialacháin sin in éag agus go leithdháilfí cinn nua. Ba cheart an leithdháileadh sin na dteidlíochtaí íocaíochta bheith bunaithe fós, mar riail ghinearálta, ar líon na heicteáir incháilithe atá ar fáil do na feirmeoirí sa chéad bhliain ina gcuirtear an scéim chun feidhme. Fós féin, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstát sin a bhfuil scéim na híocaíochta aonair á feidhmiú acu faoi láthair ar bhonn réigiúnach nó ar bhonn hibrídeach réigiúnach na teidlíochtaí atá acu cheana a choimeád. Maidir le Ballstát ar leith, i dtreo is go seachnófar ann caolú díreireach mhéid na n-íocaíochtaí díreacha in aghaidh an heicteáir, lena ndéanfaí difear don phróiseas cóineasaithe inmheánach, mar thoradh ar mhéadú ar an limistéar incháilithe, ba cheart go ligfí do na Ballstát, agus an chéad bhabhta teidlíochtaí íocaíochta á leithdháileadh acu, srianta áirithe a chur i bhfeidhm chun líon na dteidlíochtaí íocaíochta a bhunú.
- (22) De thoradh earnálacha éagsúla a bheith á gcomhtháthú i ndiaidh a chéile isteach sa scéim íocaíochta aonair, agus de thoradh na tréimhse a thugtar d'fheirmeoirí a ngnó a chur in ord ina dhiaidh sin, tá sé ag éirí níos deacra cúis chuí a thabhairt leis na difríochtaí suntasacha aonair i leibhéal na tacaíochta in aghaidh an heicteáir d'fheirmeoirí, ar difríochtaí iad atá mar thoradh ar úsáid tagairtí stairiúla. Dá bhrí sin, ba cheart tacaíocht ioncaim dhírigh a leithdháileadh níos cothroime ar na Ballstát, tríd an nasc le tagairtí stairiúla a laghdú agus ag féachaint do chomhthéacs foriomlán bhuiséad an Aontais. Chun leithdháileadh níos cothroime tacaíochta díri a áirithiú, agus na difríochtaí atá ann i gcónaí idir leibhéal tuarastail agus costais inchuir á gcur san áireamh, ba cheart leibhéal na tacaíochta díri in aghaidh an heicteáir a choigeartú de réir a chéile. Ba cheart do na Ballstát ina bhfuil íocaíochtaí díreacha níos lú ná 90 % de mheán an Aontais, aon trian den bhearna idir a leibhéal reatha agus an leibhéal sin a dhúnadh, agus bainfidh na Ballstát uile íosleibhéal amach faoin mbliain airgeadais 2020. Déanfaidh gach Ballstát, a bhfuil leibhéil na n-íocaíochtaí díreacha acu, atá níos mó ná meán an Aontais, an choigeartú a mhaoiniú go comhréireach.
- (23) Chomh maith leis sin, mar riail ghinearálta, ba cheart luach comhionann aonaid a bheith ag gach teidlíocht íocaíochta a ghníomhachtófar in 2019 i mBallstát nó i réigiún. Chun iarmhairtí airgeadais a chuirfeadh isteach ar fheirmeoirí a sheachaint, áfach, ba cheart cead a bheith ag na Ballstát tosca stairiúla a chur san áireamh agus iad ag ríomh luach na dteidlíochtaí íocaíochta ar cheart a bheith ag na feirmeoirí in 2019 ar choinníoll nach mbeidh luach níos ísle ná 60 % den mheán ag teidlíochtaí íocaíochta ar bith in 2019. Ba cheart do na Ballstát an cóineasú sin a mhaoiniú trí luach na dteidlíochtaí íocaíochta a mbeidh luach os cionn an mheáin don bhliain 2019 acu a laghdú ar bhonn critéar oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach atá le bunú ag na Ballstát. Faoi chuimsiú an méid sin agus d'fhonn cailteanais a bheadh ró-thoirmeascach ar fad d'fheirmeoirí áirithe a sheachaint, féadfaidh na Ballstát an laghdú sin a shrianadh go 30 % de luach bunaidh na dteidlíochtaí lena mbaineann, fiú amháin mura gceadófar le srianú den sórt sin go mbainfidh gach teidlíocht íocaíochta 60 % den mheánluach don bhliain 2019 amach. Seachas i gcás na mBallstát sin a roghnóidh luach aonaid aonfhoirmeach amháin ón gcéad bhliain ina gcuirfead an scéim chun feidhme, ba cheart go nglacfaí céimeanna comhionanna agus an cóineasú sin á dhéanamh. Ba cheart na hacmhainní a mheastar atá ar fáil le haghaidh teidlíochtaí íocaíochta a chur san áireamh i gcóineasú na dteidlíochtaí íocaíochta a mbeidh a luach os cionn an mheáin. I gcás na mBallstát sin, áfach, a choimeádfaidh na teidlíochtaí íocaíochta atá acu cheana agus a mbeidh céimeanna cóineasaithe roghnaithe acu i gcomhréir le hAirteagal 63(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003, ba cheart na céimeanna cóineasaithe sin a chur chun feidhme, más infheidhme, agus ba cheart na teidlíochtaí íocaíochta uile a choigeartú chun na hacmhainní a mheastar atá ar fáil le haghaidh teidlíochtaí íocaíochta a chur san áireamh.
- (24) Tá sé léirithe sa taití a fuarthas tríd an scéim íocaíochta aonair a chur i bhfeidhm, gur cheart cuid dá príomheilimintí a choinneáil, lena n-áirítear cinneadh na n-uasteorainneacha náisiúnta d'fhonn a áirithiú nach rachaidh an leibhéal iomlán tacaíochta thar na srianta atá ar an mbuiséad faoi láthair. Ba cheart do na Ballstát leanúint de chúlchiste náisiúnta a fheidhmiú, nó ba cheart ligean dóibh cúlchistí réigiúnacha a bhunú. Ba cheart cúlchistí náisiúnta nó réigiúnacha den

(1) Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2003 lena mbunaítear comhrialacha do scéimeanna tacaíochta díri faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus lena mbunaítear scéimeanna áirithe tacaíochta le haghaidh feirmeoirí agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2019/93, (CE) Uimh. 1452/2001, (CE) Uimh. 1453/2001, (CE) Uimh. 1454/2001, (CE) Uimh. 1868/94, (CE) Uimh. 1251/1999, (CE) Uimh. 1254/1999, (CE) Uimh. 1673/2000, (CEE) Uimh. 2358/71 agus (CE) Uimh. 2529/2001 (IO L 270, 21.10.2003, lch. 1).

sórt sin a úsáid, mar ábhar tosaíochta, chun rannpháirtíocht feirmeoirí óga sa scéim a éascú mar aon le rannpháirtíocht feirmeoirí a mbeidh tús á chur lena ngníomhaíocht talmhaíochta acu agus ba cheart ligean dóibh iad a úsáid freisin chun dálaí sonracha áirithe eile a chur san áireamh. Ba cheart na rialacha maidir le haistriú agus úsáid teidlíochtaí íocaíochta a choinneáil.

- (25) Tá sé léirithe sa taithí a fuarthas trí Rialachán (CE) Uimh 73/2009 a chur i bhfeidhm nár úsáid na Ballstáit méid iomlán na gcistí a bhí ar fáil faoi na huasteorainneacha náisiúnta a leagadh síos sa Rialachán sin. Cé gur lú an baol faoin Rialachán seo nach gcaithfear cistí le hais an chórais faoi Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann teidlíochtaí íocaíochta a dháileadh ar luach atá níos airde ná an méid atá ar fáil dá scéim íocaíochta bunúsaí, d'fhonn gur fusa a bheadh sé na cistí a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla. Ba cheart go mbeadh cead ag na Ballstáit, dá bhrí sin, laistigh de theorainneacha comhchoiteanna áirithe agus maidir leis na glan-uasteorainneacha d'íocaíochtaí díreacha an méid atá riachtanach faoina bhféadfáir a n-uasteorainn íocaíochta bunúsaí a mhéadú a ríomh.
- (26) Mar riail ghinearálta, aon limistéar talmhaíochta den ghabháltas a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochta talmhaíochta, lena n-áirítear na limistéir nach raibh riocht maith talmhaíochta orthu an 30 Meitheamh 2003 i mBallstáit a d'aontaigh don Aontas an 1 Bealtaine 2004, a roghnaigh an scéim íocaíochta aonair limistéir a chur i bhfeidhm, beidh an limistéar sin incháilithe tairbhe a bhaint íocaíocht bunúsach. Sa mhéid go bhféadfaidh gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta rannchuidiú le héagsúlú ioncaim gabháltas talmhaíochta agus le beogacht na gceantar tuaithe, measfar go mbeidh limistéar talmhaíochta gabháltas a úsáidtear freisin i gcomhair gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta incháilithe ar an gcoinníoll go n-úsáidfead é go príomha do ghníomhaíochtaí talmhaíochta. Chun an phríomhacht sin a mheasúnú, ba cheart critéir chomhchoiteanna a shocrú le haghaidh na mBallstát go léir. Sa chomhthéacs seo agus d'fhonn a áirithiú go ndíreofar níos fearr ar íocaíochtaí díreacha, ba cheart go bhféadfadhdh Ballstáit, ar mhaithe leis an soiléireacht dhlíthiúil agus le comhsheasmhacht dhlíthiúil, liosta a dhéanamh de limistéir a úsáidtear go príomha do ghníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta agus atá neamh-incháilithe dá bharr sin. Thairis sin, ionas go gcoinneofar incháilitheacht talún a bhí incháilithe chun teidlíochtaí a fágadh ar leataobh a ghníomhachtú roimh dhíothú na hoibleagáide fágáil ar leataobh, ba cheart a fhoráil go mbeidh limistéir choillithe áirithe, lena n-áirítear na limistéir sin atá coillithe faoi scéimeanna náisiúnta lena gcomhlíontar na rialacha ábhartha i Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle ⁽¹⁾ nó i Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, nó limistéir atá faoi réir gealltanais comhshaoil áirithe, incháilithe tairbhe a bhaint íocaíocht bunúsach.

- (27) Maidir le Ballstát ar leith, i dtreo is go seachnófar ann caolú díreireach mhéid na n-íocaíochtaí díreacha in aghaidh an heicteáir, lena ndéanfaí difear don phróiseas cóineasaithe inmheánach, mar thoradh ar mhéadú ar an limistéar incháilithe, ba cheart go mbeadh cead ag na Ballstáit comhéifeacht don laghdú a chur i bhfeidhm chun limistéar incháilithe na bhféarthailte buana a chinneadh i gcásanna nach bhfuil féara agus foráiste luibheach eile ceannasach go traidisiúnta i limistéir innilte, ach ina bhfuil siad ar an dul sin mar chuid de na cleachtais áitiúla atá bunaithe.

- (28) Maidir le cnáib, ba cheart bearta sonracha a choinneáil chun a áirithiú nach bhféadfaí barra mídhleathacha a chur i bhfolach i measc na mbarr is incháilithe don íocaíocht bhunúsach, rud a mbeadh tionchar diúltach aige ar an margadh cnáibe. Níor cheart, dá bhrí sin, leanúint de bheith ag deonú íocaíochtaí ach amháin i gcás limistéar ina bhfuil cineálacha cnáibe curtha a bhfuil ráthaíochtaí áirithe ag gabháil leo ó thaobh chion na substainte síceatrópáil.

- (29) Chun an deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus chun na cásanna sonracha a shoiléiriú a fhéadfaidh teacht chun cinn agus scéim na híocaíochta bunúsaí á cur i bhfeidhm, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha áirithe a ghlacadh i dtaca le rialacha maidir le hincháilitheacht agus le rochtain, i ndáil le scéim na híocaíochta bunúsaí d'feirmeoirí i gcás oidhreacht agus oidhreacht ionchais, i gcás oidhreacht faoi léas, i gcás athrú ar stádas nó ar ainmniúchán dlíthiúil, i gcás aistriú na dteidlíochtaí íocaíochta agus i gcás chumasc nó scoilteadh an ghabháltas agus i gcás clásail chonartha a bhaineann leis an gceart chun teidlíochtaí íocaíochta a fháil sa chéad bhliain ina leithdháilfead teidlíochtaí íocaíochta. Thairis sin, ba cheart go gcumhdófaí freisin leis an tarmligeán cumhachta sin rialacha maidir le luach agus líon a ríomh nó maidir leis an athrú ar luach na dteidlíochtaí íocaíochta i ndáil le leithdháileadh na dteidlíochtaí íocaíochta, lena n-áirítear rialacha maidir leis an deis luach nó líon sealadach teidlíochtaí íocaíochta nó méadú sealadach ar theidlíochtaí íocaíochta a bheith ann a leithdháiltear ar bhonn an iarratais ón bhfeirmeoir, rialacha maidir le coinníollacha maidir le luach agus líon sealadach agus cinntitheach na dteidlíochtaí íocaíochta a bhunú, agus maidir leis na cásanna ina bhféadfadh conradh díolacháin nó conradh leis difear a dhéanamh do leithdháileadh na dteidlíochtaí íocaíochta. Thairis sin, ba cheart go gcumhdófaí freisin leis an tarmligeán cumhachta sin rialacha maidir le bunú agus ríomh luach agus líon na dteidlíochtaí íocaíochta a gheofar ón gcúlchiste náisiúnta nó ón gcúlchiste réigiúnach; rialacha maidir le luach aonaid na dteidlíochtaí íocaíochta a mhodhnú i gcás codán de na teidlíochtaí íocaíochta agus aistriú teidlíochtaí íocaíochta gan talamh. Chomh maith leis sin, ba cheart go gcumhdófaí freisin leis an tarmligeán cumhachta sin critéir chun teidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh ar na feirmeoirí nach bhfuair íocaíochtaí díreacha in 2013 nó de bhun úsáid an chúlchiste náisiúnta nó na gcúlchistí réigiúnacha, critéir chun teorainneacha a chur i bhfeidhm maidir le líon na dteidlíochtaí íocaíochta atá le leithdháileadh; agus critéir chun an chomhéifeacht don laghdú a shocrú chun féarthailte buana áirithe a aistriú i heicteáir incháilithe.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh 1698/2005 maidir le tacaíocht d'fhorbairt na tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (IO L 277.21.;10.2005, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt na tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (Féach leathanach 487 den Iris Oifigiúil seo).

- (30) Chun bainistiú cuí na dteidlíochtaí íocaíochta a áirithiú, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil le rialacha maidir le hábhar an dearbhaithe agus leis na ceanglais chun teidlíochtaí íocaíochta a ghníomhachtú.
- (31) Chun sláinte phoiblí a chosaint, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil le rialacha a leagan síos faoina ndeónófar íocaíochtaí ar choinníoll go n-úsáidfeair síolta deimhnithe de chineálacha áirithe cnáibe agus lena saineofar an nós imeachta maidir le cineálacha cnáibe a chinneadh agus a gcion teitrihidreacannaibionóil a fhíorú.
- (32) I bhfianaise na ndeacrachtaí suntasacha riaracháin, teicniúla agus lóistíochúla atá i gceist leis an aistriú chuig scéim na híocaíochta bunúsaí do na Ballstáit a chuirfidh an scéim íocaíochta aonair limistéir i bhfeidhm faoi Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, ba cheart go mbeidís in ann an scéim íocaíochta aonair limistéir a chur i bhfeidhm chun an íocaíocht bhunúsach a dheonú go ceann tréimhse idirthréimhsí breise go dtí deireadh 2020 ar a dhéanaí. Má chinneann Ballstát scéim na híocaíochta bunúsaí a thabhairt isteach faoi 2018, féadfaidh sé rogha a dhéanamh na híocaíochtaí a dhifreálú faoin scéim íocaíochta aonair limistéir de réir leibhéil íocaíochtaí áirithe a dheonófar in 2014 faoi na socruithe maidir le tacaíocht shonrach agus na híocaíochtaí ar leithdá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, nó, i gcás na Cipire faoi na himchlúdaigh airgeadais sonracha don earnáil le haghaidh cabhrach idirthréimhsí náisiúnta.
- (33) Chun cosaint chearta na dtairbhíthe a ráthú agus chun na cásanna sonracha a shoiléiriú a fhéadfaidh teacht chun cinn agus an scéim íocaíochta aonair limistéir á cur i bhfeidhm, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i dtaca le rialacha a leagan síos maidir le hincháilitheacht agus le rochtain atá ag feirmeoirí ar an scéim íocaíochta aonair limistéir.
- (34) Sna Ballstáit ina bhfuil an scéim íocaíochta aonair limistéir á cur i bhfeidhm agus ar ceadaiodh dóibh cabhair idirthréimhseach náisiúnta a dheonú, bhí ról tábhachtach ag an gcabhair sin chun tacú le hioncaim na bhfeirmeoirí in earnálacha sonracha. Ar an gcúis sin, agus d'fhonn laghdú tobann suntasach a sheachaint ar thacaíocht amháil ó 2015 sna hearnálacha sin a bhainfidh tairbhe, go dtí 2014, as cabhair idirthréimhseach náisiúnta, is iomchuí foráil a dhéanamh, sna Ballstáit sin, don chás ina bhféadfaí an chabhair sin a dheonú mar chomhlánú ar an scéim íocaíochta aonair limistéir. D'fhonn a áirithiú go leanfar ar aghaidh leis an tacaíocht ón gcabhair idirthréimhseach náisiúnta a bhí á deonú go dtí seo, is iomchuí na coinníollacha a theorannú go dtí na coinníollacha sin is infheidhme maidir leis an gcabhair sin in 2013, nó i gcás na Bulgáire agus na Rómáine na híocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha, mar a thug an Coimisiún údar leo arna iarraidh sin ag na Ballstáit. Is iomchuí freisin uasmhéideanna na cabhrach a theorannú de réir earnála i gcomparáid lena leibhéil in 2013 chun a áirithiú go laghdófar na leibhéil cabhrach ar bhonn socair agus go mbeidh siad ag cloí le sásra cóineasaithe.
- (35) Ba cheart rialacha sonracha a chur ar fáil don chéad leithdháileadh agus chun luach teidlíochtaí íocaíochta a ríomh nuair a dhéanfaidh na Ballstáit a mbeidh an scéim íocaíochta aonair limistéir curtha i bhfeidhm acu de bhun an Rialacháin seo scéim na híocaíochta bunúsaí a thabhairt isteach. Chun aistriú rianúil a áirithiú idir na scéimeanna sin, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil le rialacha breise maidir le scéim na híocaíochta bunúsaí a thabhairt isteach i mBallstáit a mbeidh an scéim íocaíochta aonair limistéir curtha i bhfeidhm acu.
- (36) Agus é á chur san áireamh gur gá don tacaíocht aonadach a thugtar d'feirmeoirí a bhfuil gabháltais bheaga acu bheith leordhóthanach chun cuspóir na tacaíochta ioncaim a chomhlíonadh go héifeachtach, ba cheart go gceadófaí do na Ballstáit tacaíocht dhíreach a athdháileadh idir feirmeoirí trí íocaíocht bhreise a dheonú dóibh do na chéad.
- (37) Ar cheann de chuspóirí CBT nua tá an cuspóir chun feidhmíocht an chomhshaoil a fheabhsú trí bhithin ghné éigeantach maidir le "glasú" a chur sna híocaíochtaí díreacha, rud a thacóidh le cleachtais talmhaíochta atá chun leas na haeráide agus an chomhshaoil ar fud an Aontais. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit cuid dá n-uasteorainneacha náisiúnta a úsáid le haghaidh íocaíochtaí díreacha chun íocaíocht bhliantúil a dheonú, sa bheis ar an íocaíocht bhunúsach, lena bhféadfar cóineasú inmheánach sa Bhallstát nó sa réigiún a chur san áireamh, do chleachtais éigeantacha a leanfaidh feirmeoirí a bheidh ag dul i ngleic le spriocanna beartais aeráide agus comhshaoil mar ábhar tosaíochta. Gníomhaíochtaí simplí, ginearálta, neamh-chonartha agus bliantúla ba cheart a bheith sna cleachtais sin ar mhó iad ná tras-chomhlíonadh agus a mbeadh baint acu leis an talmhaíocht, le gníomhaíochtaí amháil éagsúlú barr, féarthailte buana a choimeád, lena n-áirítear úllgharraithe traidisiúnta ina bhfásann crainn torthaí ar dhlús íseal ar féarthailte, agus limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht a bhunú. D'fhonn cuspóirí an ghlású a bhaint amach ar bhealach níos fearr agus d'fhonn riarachán éifeachtúil agus rialú éifeachtúil ar ghlású a chumasú ba cheart go mbeadh feidhm ag na cleachtais sin maidir le limistéir incháilithe an ghabháltais ina iomláine. Toisc gur cleachtais de chineál éigeantach iad na cleachtais sin, ba cheart iad a bheith ábhartha d'feirmeoirí a bhfuil a ngabháltas suite, ina n-iomláine nó i bpáirt, i limistéir "Natura 2000" a chumhdaítear le Treoir 92/43/CEE ón gComhairle ⁽¹⁾ agus le Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, nó i limistéir a chumhdaítear le Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, ach ar chuntar go bhfuil na cleachtais sin ag luí le cuspóirí na dTreoracha sin.

⁽¹⁾ Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

⁽²⁾ Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

⁽³⁾ Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.00, lch. 1).

- (38) I bhfianaise na sochar aitheanta comhshaoil a bhaineann leis na córais orgánacha feirmeoireachta, ba cheart d'fheirmeoirí, le haghaidh na haonaid sin dá ngábháltais a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ⁽¹⁾, tairbhe a bhaint as an gné "glasú" gan oibleagáid a bheith orthu aon ní eile a chomhlíonadh
- (39) ba cheart a bheith pionóis ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 bheith mar thoradh ar theip ghné an "glasú" a urramú.
- (40) D'fhonn éagsúlacht na gcóras talmhaíochta agus na dálaí difriúla atá ar fud an Aontais ó thaobh an chomhshaoil de a chur san áireamh, tá bonn cirt le haitheantas a thabhairt, i dteannta na dtrí gcleachtas i ndáil le "glasú" a bhunaítear sa Rialachán seo, do chleachtas a chumhdaítear le bearta agrachomhshaoil-aeráide nó le scéimeanna deimhniúcháin atá cosúil le glasú agus lena soláthraítear leibhéal comhionann tairbhe don aeráid agus don chomhshaoil nó leibhéal níos airde tairbhe dóibh. Ar chúiseanna soiléireachta dlíthiúla, ba cheart go leagfaí na cleachtais sin síos in Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Ba cheart do na Ballstáit cinneadh a dhéanamh i dtaca le deis a thairiscint d'fheirmeoirí cleachtais chomhionanna agus na cleachtais i ndáil le "glasú" a bhunaítear sa Rialachán seo a úsáid d'fhonn ceangal a chur ar an bhfeirmeoir na cleachtais is oiriúnaí a chomhlíonadh lena n-áirítheofar cuspóirí an bhirt agus ba cheart dóibh fógra a thabhairt don Choimisiún faoin gcinneadh a dhéanfaidh siad. Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh an ndéantar na cleachtais a chumhdaítear leis na bearta comhionanna a fhógraítear a chumhdach leis an Iarscríbhinn. Má mheabhraíonn an Coimisiún nach bhfuil sin amhlaidh, ba cheart dó na Ballstáit a chur ar an eolas dá reir sin trí bhíthin gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh gach Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a chur i bhfeidhm. D'fhonn a éascú go gcuirfead comhionannas chun feidhme ar bhealach níos simplí agus ar chúiseanna inrialaitheachta, ba cheart rialacha a leagan síos maidir leis an limistéar a chumhdaítear le bearta comhionanna, agus sonraíochtaí beart agrachomhshaoil-aeráide mar aon le scéimeanna deimhniúcháin á gcur san áireamh. D'fhonn a áirithiú go gcuirfead cleachtais chomhionanna i bhfeidhm mar is ceart agus go seachnófar cistiú dúbailte, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh chun críche cleachtais a chur leis an liosta de chleachtais chomhionanna, lena mbunófar ceanglais i dtaca leis na scéimeanna deimhniúcháin náisiúnta nó réigiúnacha agus, i gcás inar gá, lena mbunófar rialacha mionsonraithe chun méideanna gaolmhara a ríomh.
- (41) Ba cheart na hoibleagáidí maidir le heagsúlacht barr a chur i bhfeidhm ar bhealach lena gcuirfead san áireamh an deacracht a bhíonn ag feirmeacha beaga éagsúlú agus iad ag iarraidh i gcónaí dul chun cinn a dhéanamh chun tairbhe méadaithe don chomhshaoil a bhaint amach agus go háirithe chun feabhas a chur ar cháilíocht na hithreach. Ba cheart eisceachtaí a chur i bhfeidhm d'fheirmeacha a chomhlíonann cheana na cuspóirí maidir le héagsúlú barr mar thoradh ar iad bheith cumhdaithe ar bhonn suntasach le féarthailte nó le talamh branair nó d'fheirmeacha speisialaithe a rothlaíonn a ndáileachtaí gach bliain nó d'fheirmeacha a mbeadh deacrachtaí iomarcacha acu chun an tríú barr a thabhairt isteach mar thoradh ar a suíomh geografach. Chun a áirithiú go ndéanfar na hoibleagáidí a bhaineann le beart an éagsúlaithe barr a chur i bhfeidhm ar bhealach comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach agus go mbeidh cosaint níos fearr don chomhshaoil mar thoradh air, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil le cineálachaeile genera agus speiceas a aithint agus rialacha a leagan síos maidir le ríomh beacht sciartha na mbarr éagsúlú a chur i bhfeidhm.
- (42) Ar mhaithe leis na tairbhíthe a bhaineann le féarthailte buana agus go háirithe ceapadh carbóin, ba cheart foráil a dhéanamh chun féarthailte buana a chaomhnú. Ba cheart go n-áireofaí leis an gcosaint sin toirmeasc a chur ar threabhadh agus ar aistriú i limistéir is íogaire comhshaoil i limistéir "Natura 2000" a chumhdaítear le Treoir 92/43/CEE agus le Treoir 2009/147/CE, agus ba cheart go mbeadh cosaint níos ginearálta ann in aghaidh aistriú go húsáidí eile, bunaithe ar chóimheas na bhféarthailte buana. Ba cheart go mbeadh go gcumhachtófaí do na Ballstáit na limistéir íogair comhshaoil nach gcumhdaítear leis na Treoracha sin a leagan amach tuilleadh. Ina theannta sin, ba cheart go roghnóidís an leibhéal críche ar cheart don chóimheas feidhm a bheith aige maidir leis. D'fhonn a áirithiú go ndéanfar cosaint éifeachtach ar fhéarthailte buana, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh chun an creat a shainiú lena n-ainmneoidh na Ballstáit féarthailte buana nach gcumhdaítear le Treoir 92/43/CEE ná le Treoir 2009/147/CE.
- (43) D'fhonn a áirithiú go sannfar i gceart cóimheas na bhféarthailte buana in aghaidh an limistéir talmhaíochta iomláin agus go gcoinneofar i gceart é, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i dtaca le bunú modhanna mionsonraithe lena sannfar an cóimheas sin, rialacha mionsonraithe maidir le féarthailte buana a choinneáil agus an t-achar ama ábhartha chun oibleagáid a chur ar fheirmeoirí aonair talamh a iompú ar ais.
- (44) Ba cheart limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht a bhunú d'fhonn an bhithéagsúlacht ar fheirmeacha go háirithe a chosaint agus a fheabhsú. Dá bhrí sin, ba cheart gurbh é a bheadh i gceist leis na limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht, limistéir a bhfuil tionchar díreach acu ar an mbithéagsúlacht amháil talamh a fhágtar bán, gnéithe tírdhreacha, ardáin, stiallacha maoláin, limistéir choilltíthe agus limistéir agrafoirneachta nó limistéir a bhfuil tionchar neamhdhíreach acu ar an mbithéagsúlacht trí úsáid laghdaithe a bhaint as ionchuir ar an bhfeirm, amháil limistéir arna gcumhdach ag barr breise agus cumhdú glas geimhridh. Ba cheart na hoibleagáidí a leagtar síos don bheart i ndáil leis na limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht a chur i bhfeidhm ar bhealach lena seachnófar na hualaigh dhíreacha atá á gcur ar fheirmeacha beaga i gcomparáid leis an tairbhe bhreise, fheabhsaithe ar an gcomhshaoil. Ba cheart eisceachtaí a chur i bhfeidhm

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeacht orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 (IO L 189, 20.7.2007, lch. 1).

i gcás feirmeacha a chomhlíonann na cuspóirí maidir le limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht trí bheith cumhdaithe ar bhonn suntasach le féarthailte nó le talamh branair. Ba cheart eisceachtaí a chur i bhfeidhm freisin i gcás feirmeoirí a thugann faoi ghníomhaíocht talmhaíochta i limistéir atá thíos le srianta nádúrtha i limistéir áirithe atá coilltithe go príomha ina bhfuil baol suntasach ann go dtréigfear an talamh i mBallstáit atá coilltithe go príomha. Thairis sin, ba cheart foráil a dhéanamh don deis do na Ballstáit agus d'fheirmeacha c an oibleagáid a chur i bhfeidhm ar leibhéal réigiúnach nó leibhéal comhchoiteann chun limistéir chónagaracha ina ndírítear ar an éiceolaíocht a fháil, ar limistéir iad a rachaidh níos mó chun tairbhe don chomhshaol. Ar mhaithe le simpliú, ba cheart go mbeadh an rogha ag na Ballstáit tomhas na limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht a chaighdeánú.

- (45) Chun a áirithiú go mbunófar na limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht ar bhealach éifeachtúil agus comhtháite, agus saintréithe na mBallstát á gcur san áireamh ag an am céanna, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil le critéir bhreise a leagan síos chun limistéir a cháiliú mar limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht; cineálacha eile limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht a aithint; fachtóirí comhshóite agus ualaithe a bhunú le haghaidh cineálacha áirithe limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht; rialacha a bhunú chun cuid den limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht a chur chun feidhme ag na Ballstáit ar an leibhéal réigiúnach; rialacha a leagan síos i dáil le cur chun feidhme comhchoiteann na h oibleagáide chun limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht ag gabhálaí a choinneáil i ngaireacht dá chéile, lena mbunaítear an creat i gcomhair na gcritéir, a bheidh le tsainiú ag na Ballstáit, chun an ghaireacht sin a shainiú; agus na modhanna a bhunú chun an cóimheas d'fhoraíocht do thalamh talmhaíochta a chinneadh. I gcás ina cuirfear isteach cineálacha eile limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go ndéanfaid sé ar fheidhmíocht ghinearálta chomhshaoil an ghabhálaí a fheabhsú, go háirithe maidir leis an mbithéagsúlacht, leis an ithir agus leis an gcáilíocht uisce a fheabhsú, maidir leis an tírdhreach a chaomhnú agus maidir leis na cuspóirí maolaithe agus oiriúnaithe um an athrú aeráide a bhaint amach.
- (46) Chun forbairt inbhuanaithe na talmhaíochta a chur chun cinn i limistéir a bhfuil srianta sonracha nádúrtha iontu, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann cuid dá n-uasteorainneacha le haghaidh íocaíochtaí díreacha chun íocaíocht bhliantúil limistéirbhunaithe a dheonú, sa bhreis ar an íocaíocht bhunúsach, do gach feirmeoir atá ag obair sna limistéir sin nó i roinnt de na limistéir sin, i gcás ina gcinnfidh an Ballstát amhlaidh. Níor cheart an íocaíocht sin a chur in ionad na tacaíochta a thabharfar faoi chláir forbartha tuaithe agus níor cheart í a dheonú d'fheirmeoirí i limistéir a ainmníodh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ach nár ainmníodh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013
- (47) Dúshlán airgeadais is ea an ghníomhaíocht nua eacnamaíoch atá á cruthú agus á forbairt in earnáil na talmhaíochta ag feirmeoirí óga agus gné is ea é ba cheart

a mheas agus íocaíochtaí díreacha á leithdháileadh agus á spriocdhíriú. Tá an fhorbairt sin riachtanach ar mhaithe le hiomaíocht in earnáil na talmhaíochta san Aontas agus, ar an gcúis sin, ba cheart tacaíocht ioncain a sholáthar d'fheirmeoirí óga atá ag dul i mbun gníomhaíochtaí talmhaíochta den chéad uair chun bunú na ngníomhaíochtaí sin a éascú agus chun cabhrú leo coigeartú struchtúrtha a dhéanamh ar a ngabháltas ina dhiaidh sin. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit cuid dá n-uasteorainneacha náisiúnta a úsáid le haghaidh íocaíochtaí díreacha chun íocaíocht bhliantúil limistéirbhunaithe, sa bhreis ar an íocaíocht bhunúsach, a dheonú d'fheirmeoirí óga. Ba cheart do na Ballstáit bheith in ann modh ríomha a chinneadh le haghaidh na híocaíochta sin agus, i gcás ina gciallófar leis an modh sin oibleagáid teorainn a chur le híocaíocht in aghaidh an fheirmeora, tá an teorainn sin le socrú agus prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais á n-urramú. Ós rud é nár cheart go gcumhdódh sé ach tréimhse tosaigh an ghnó, níor cheart an tacaíocht sin a dheonú ach le linn uastréimhse cúig bliana. Ba cheart go mbeadh sé ar fáil d'fheirmeoirí óga a bheidh ag dul i mbun a ngníomhaíochtaí talmhaíochta agus nach mbeidh níos sine ná 40 bliain d'aois an bhliain a gcuirfear isteach an chéad iarratas faoi scéim na híocaíochta bunúsaí nó faoin scéim íocaíochta aonair limistéir.

- (48) Chun cosaint chearta na dtairbhíthe a ráthú agus chun nach ndéanfar dealú eatarthu, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir leis na dálaí a shainiú faoina bhféadfar duine dlítheanach a mheas a bheith incháilithe chun an íocaíocht d'fheirmeoirí óga a fháil.
- (49) Ba cheart go mbeadh cead ag na Ballstáit cuid dá n-uasteorainneacha náisiúnta a úsáid le haghaidh íocaíochtaí díreacha i leith tacaíochta cúpláilte in earnálacha áirithe nó i réigiúin áirithe i gcásanna a shainítear go soiléir. Ba cheart na hacmhainní a fhéadfar a úsáid le haghaidh aon tacaíochta cúpláilte a theorannú go leibhéal iomchuí, agus deonú na tacaíochta sin sna Ballstáit ina n-earnálacha sonracha nó ina réigiúin shonracha a mbaineann staideanna ar leith leo a cheadú ag an am céanna, i gcás ina bhfuil tábhacht ar leith le cineálacha sonracha feirmeoireachta nó earnálacha sonracha talmhaíochta ar chúiseanna eacnamaíochta, comhshaoil agus/nó sóisialta. Ba cheart go mbeadh cead ag na Ballstáit suas le 8 % dá n-uasteorainneacha náisiúnta a úsáid le haghaidh na tacaíochta sin, nó 13 % i gcás inar mó ná 5 % a leibhéal tacaíochta cúpláilte i mbliain amháin ar a laghad sa tréimhse 2010-2014 nó i gcás ina gcuireann siad an scéim íocaíochta aonair limistéir i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2014 Fairis sin, d'fhonn neamhspleáchas próitéibhunnaithe earnáil an phóraithe a choinneáil, ba cheart go gceadófaí do na Ballstáit a chinneann 2 % dá n-uasteorainneacha náisiúnta ar a laghad a úsáid chun tacú le táirgeadh barraí próitéine na céatadán thuasluaite a mhéadú suas go dhá phointe céatadán. Ba cheart go mbeadh cead ag na Ballstáit os cionn 13 % dá n-uasteorainn náisiúnta a úsáid, áfach, i gcásanna a bhfuil bonn cirt maith leo agus ina léirítear riachtanais íogaire áirithe a bheith in earnáil nó i réigiún ar leith, agus ar fhorhneas an Choimisiúin. Mar mhalairt ar na céatadán sin, féadfaid na Ballstáit rogha a dhéanamh suas go

EUR 3 milliún a úsáid in aghaidh na bliana chun an tacaíocht chúpláilte a mhaoiniú. Níor cheart tacaíocht chúpláilte a dheonú ach a mhéid is gá chun dreasacht a chruthú na leibhéil reatha táirgthe a choinneáil sna hearnálacha nó sna réigiúinlena mbaineann. Ba cheart go mbeadh an tacaíocht sin ar fáil freisin d'fheirmeoirí a bhfuil ar seilbh acu, an 31 Nollaig 2013, teidlíochtaí íocaíochta speisialta a leithdháiltear faoi Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 agus nach bhfuil heicteáir incháilithe acu chun teidlíochtaí íocaíochta a ghníomhachtú. Maidir leis an tacaíocht chúpláilte dheonach ar mó é ná 13% den uasteorainn náisiúnta bhliantúil a shocrófar le haghaidh gach Ballstáit a fhorhmeas, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh gan Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a chur chun feidhme.

- (50) Chun a áirithiú go n-úsáidfeadh cistí an Aontais ar bhealach éifeachtúil agus spriocdhírthe, agus chun cistiú dúbailte faoi ionstraimí tacaíochta cosúla eile a sheachaint, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir leis na coinníollacha a bhunú chun tacaíocht chúpláilte dheonach a dheonú agus maidir le rialacha i ndáil lena chomhsheasmhacht le bearta eile de chuid an Aontais agus maidir le cruinniú tacaíochta.
- (51) Chun a áirithiú nach mbeadh aon saobhadh táirgthe ann sna réigiúin ina dtáirgtear cadás, leanann cuid den tacaíocht d'earnáil an chadáis faoi Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 de bheith nasctha le saothrú cadáis trí bhíthin íocaíochta i leith bairr shonraigh in aghaidh an heicteáir incháilithe, agus na tosca ábhartha ar fad á gcur san áireamh. Ba cheart an staid sin a choimeád i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i bPrótacal Uimh. 4 maidir le cadás atá ag gabháil le hIonstraim Aontachais 1979.
- (52) Ionas go bhféadfar an íocaíocht i leith bairr shonraigh le haghaidh cadáis a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil le rialacha agus coinníollacha a bhunú maidir le talamh agus cineálacha a údarú chun críocha na híocaíochta i leith bairr shonraigh le haghaidh cadáis; rialacha maidir leis na coinníollacha chun an íocaíocht sin a dheonú, maidir leis na ceanglais incháilitheachta agus na cleachtais agranamaíocha, critéir chun eagraíochtaí idirchraoibhe a fhorhmeas; oibleagáidí atá ar tháirgeoirí; rialacha lena rialáitear an cás nach gcomhlíonann an eagraíocht idirchraoibhe fhorhmeasta na critéir sin.
- (53) Le gCaibidil 2 de Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle⁽¹⁾ cuireadh de cheangal ar gach Ballstát a tháirgeann cadás dréachtchlár athstruchtúraithe ceithre bliana a chur faoi bhráid an Choimisiúin gach ceithre bliana, agus é a chur faoina bhráid an chéad uair faoin 1 Eanáir 2009 nó dréachtchlár modhnuithe ocht mblianaathstruchtúraithe amháin a chur faoina bhráid

faoin 31 Nollaig 2009. Is léir ón taithí a fuarthas go bhféadfaí freastal níos fearr ar athstruchtúráil earnáil an chadáis le bearta eile, lena n-áirítear na bearta sin atá faoi chláraíocht forbartha tuaithe a mhaoinítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013. D'fhágfadh bearta den sórt sin go bhféadfaí comhordú níos fearr a dhéanamh le bearta in earnálacha eile. Ba cheart cearta faighte agus ionchais dhlísteana gnothas atá bainteach cheana féin le cláir athstruchtúraithe a urramú, áfach. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh na cláir ceithre bliana nó ocht mbliana atá i bhfeidhm faoi láthair in ann leanúint ar aghaidh go deireadh a dtréimhse gan aon fhéidearthacht síneadh a chur leo. D'fhéadfaí na cistí atá ar fáil ó na cláir ceithre bliana a chomhtháthú ansin sna cistí Aontais atá ar fáil do bhearta faoi fhorbairt tuaithe ó 2014 amach. I ngeall ar an gclárthréimhse, ní bheadh na cistí a bheidh ar fáil ag deireadh na gclár ocht mbliana úsáideach sna cláir forbartha tuaithe in 2018 agus, dá bhrí sin, b'fhearr iad a aistriú go scéimeanna tacaíochta faoin Rialachán seo, dá bhforáiltear cheana féin i Rialachán (CE) Uimh. 637/2008. Beidh Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 imithe i léig, dá bhrí sin, amháil ón 1 Eanáir 2014 nó ón 1 Eanáir 2018 i ndáil le Ballstáit a bhfuil clár ceithre bliana nó ocht mbliana acu faoi seach agus ba cheart é a aisghairm dá bhrí sin.

- (54) Ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann scéim shimplí shonrach le haghaidh feirmeoirí beaga a bhunú chun na costais riaracháin a bhaineann le tacaíocht dhíreach a bhainistiú agus a rialú a laghdú. Chun na críche sin, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann íocaíocht cnapshuime a chuirfeadh in ionad na n-íocaíochtaí díreacha ar fad a bhunú, nó íocaíocht a bheidh bunaithe ar an méid atá dlite do na feirmeoirí gach bliain a bhunú. Ba cheart rialacha a thabhairt isteach chun simpliú mór a dhéanamh ar fhoirmiúlachtaí trí na hoibleagáidí a chuirfeadh ar fheirmeoirí beaga a laghdú, inter alia, oibleagáidí amháil iad sin a bhaineann le hiarratas a dhéanamh ar thacaíocht, le cleachtais talmhaíochta atá chun leasa na haeráide agus an chomhshaoil, le tras-chomhlíonadh agus le rialuithe mar a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, gan gnóthú chuspóirí foriomlána an athchóirithe a chur i mbaol, agus ar an tuiscint go bhfuil feidhm ag reachtaíocht an Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 i ndáil le feirmeoirí beaga. Ba cheart é a bheith mar chuspóir na scéime sin tacú leis an struchtúr talmhaíochta atá ann cheana i bhfeirmeacha beaga an Aontais gan dul i ngleic le forbairt struchtúrtha i dtreo struchtúr níos iomaíche. Ar an gcúis sin, ba cheart, i bprionsabal, rochtain ar an scéim a theorannú do ghabháiltais atá ann cheana. Ba cheart go mbeadh rannpháirtíocht feirmeoirí sa scéim roghnach. áfach, d'fhonn cur le tionchar na scéime ó thaobh simplíthe de, áfach, ba cheart cead a thabhairt do na Ballstáit feirmeoirí áirithe a áireamh sa scéim go huathoibríoch, faoi réir na féidearthachta go bhféadfaí na feirmeoirí sin roghnú gan páirt a ghlacadh inti.
- (55) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir le coinníollacha a bhunú chun bheith rannpháirteach i scéim na bhfeirmeoirí beaga i gcás ina dtiocfaidh athrú ar chás an fheirmeora a bheidh rannpháirteach.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 63/2008 ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 agus lena mbunaítear cláir náisiúnta um athstruchtúráil d'earnáil an chadáis (IO L 178, 5.7.2008, lch. 1).

- (56) Ar mhaithe le simpliú agus d'fhonn cás sonrach na réigiún is forimeallaí a chur san áireamh, ba cheart íocaíochtaí díreacha sna réigiúin sin a bhainistiú laistigh de na cláir tacaíochta a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 228/2013. Dá bhrí sin, forálacha an Rialacháin seo a bhaineann le scéim na híocaíochta bunúsaí agus íocaíochtaí gaolmhara agus le tacaíocht chúpláilte agus le scéim na bhfeirmeoirí beaga, níor cheart feidhm a bheith acu maidir leis na réigiúin sin.
- (57) Tá fógraí ag teastáil ó na Ballstáit chun críche an Rialacháin seo a chur i bhfeidhm agus chun críche faireachán, anailísiú agus bainistíocht a dhéanamh ar na híocaíochtaí díreacha. Chun cur i bhfeidhm ceart na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo a áirithiú agus chun na fógraí sin a thabhairt go gasta, go héifeachtúil, go cruinn, go costéifeachtach agus ar bhealach lena gcloífead le cosaint sonraí pearsanta, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil leis na bearta is gá a bhunú maidir leis na fógraí atá le tabhairt ag na Ballstáit don Choimisiún nó chun seiceáil, rialú, faireachán, meastóireacht agus iniúchóireacht a dhéanamh ar íocaíochtaí díreacha agus chun cloí leis na ceanglais a leagtar síos i gcomhaontuithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear ceanglais maidir le fógra a thabhairt faoi na comhaontuithe sin agus in dáil le rialacha breise maidir leis an gcineál faisnéise a mbeidh fógra le tabhairt fúithi, leis na catagóirí sonraí atá le próiseáil agus leis an uastréimhse coinneála, leis na cearta rochtana ar an bhfaisnéis nó ar na córais faisnéise agus na coinníollacha atá ann chun an fhaisnéis a fhoilsiú.
- (58) Ba cheart sonraí pearsanta a bhailítear chun críocha íocaíochtaí díreacha a chur i bhfeidhm a phróiseáil ar bhealach a bheidh ag luí leis na críocha sin. Ba cheart freisin na sonraí sin a dhéanamh anaithnid, a comhiomlánú nuair a phróiseáiltear chun críocha faireacháin nó meastóireachta iad, agus ba cheart iad a chosaint i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le sonraí pearsanta a phróiseáil agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, go háirithe Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ agus Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾. Ba cheart na daoine is ábhar do na sonraí a chur ar an eolas faoin bpróiseáil agus faoina gcearta cosanta sonraí.
- (59) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus thug sé uaidh tuairim an 14 Nollaig 2011⁽³⁾.
- (60) Chun aistriú rianúil a áirithiú ó na socrúithe dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 go dtí na socrúithe a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir leis na bearta a bhunú is gá chun aon cheart faighte agus ionchais dhlísteanacha feirmeoirí a chosaint.
- (61) Chun dálaí aonfhoirmeacha a áirithiú d'fhonn an Rialachán seo a chur chun feidhme, agus chun iomaíocht mhíchothrom nó idirdhealú idir feirmeoirí a sheachaint, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil leis na nithe seo a leanas: an méid atá le háireamh sa chúlchiste náisiúnta speisialta don Chróit leis an talamh a ghlannadh de mhianaigh talún a shocrú; an uasteorainn bhliantúil náisiúnta do scéim na híocaíochta bunúsaí a shocrú; rialacha a ghlacadh maidir le hiarratais ar leithdháileadh teidlíochtaí íocaíochta; bearta a ghlacadh maidir le teidlíochtaí neamhghníomhachaithe íocaíochta a chur ar ais sa chúlchiste náisiúnta; rialacha mionsonraithe a ghlacadh a bhaineann le fógra a thabhairt faoi theidlíochtaí íocaíochta a aistriú chuig na húdaráis náisiúnta agus na spriocdhátaí is gá do na fógraí sin a chomhlíonadh; an uasteorainn bhliantúil náisiúnta don scéim íocaíochta aonair limistéir a shocrú; rialacha a ghlacadh maidir le hiarratais ar leithdháileadh teidlíochtaí íocaíochta a chuirfead isteach sa bhliain ina leithdháiltear teidlíochtaí íocaíochta i gcás ina n-athróidh na Ballstáit chuig scéim na híocaíochta bunúsaí; uasteorainneacha bliantúla don íocaíocht athdháilte a shocrú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
- (62) Chun dálaí aonfhoirmeacha a áirithiú d'fhonn an Rialachán seo a chur chun feidhme, agus chun iomaíocht mhíchothrom nó idirdhealú idir feirmeoirí a sheachaint, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil leis na nithe seo a leanas: rialacha a ghlacadh i ndáil leis an nós imeachta, lena n-áirítear na cláir ama dá dtíolacadh, le haghaidh fhógraí na mBallstát agus an mheasúnaithe ón gCoimisiún maidir le cleachtais chomhionanna; teorainneacha áirithe a ghlacadh faoina measfar go bhfuiltear ag luí leis an oibleagáid chun féarthailte buana a choinneáil; an uasteorainn bhliantúil a leagan síos maidir le híocaíocht i leith cleachtas talmhaíochta atá chun leasa na haeráide agus an chomhshaoil; an uasteorainn bhliantúil a leagan síos maidir le híocaíocht i leith limistéir a bhfuil srianta nádúrtha iontu; an uasteorainn bhliantúil a leagan síos maidir le híocaíocht d'fheirmeoirí óga. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
- (63) Chun coinníollacha comhionanna a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo agus chun iomaíocht éagórach nó leithcheal idir feirmeoirí a sheachaint, ba cheart freisin cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le: na huasteorainneacha bliantúla a leagan síos maidir leis an tacaíocht chúpláilte dheonach; rialacha a ghlacadh maidir leis an nós imeachta um chinntí a mheasúnú agus a fhorghluaiseacht faoi chuimsiú na tacaíochta cúpláilte deonaí; rialacha a ghlacadh maidir leis an nós imeachta um údarú agus um fhógra a thabhairt do na táirgeoirí a bhaineann le húdarú na talún agus cineálacha cadáis chun críocha na híocaíochta i leith bairr shonraigh le haghaidh cadáis; rialacha a ghlacadh maidir le ríomh an laghdaithe ar mhéid na híocaíochta

⁽¹⁾ Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 281, 23.11.1995, lch. 31).

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

⁽³⁾ IO C 35, 9.2.2012, lch. 1.

i leith bairr shonraigh le haghaidh cadáis; rialacha a ghlacadh i ndáil le ceanglais ghinearálta maidir le modhanna agus fógra a thabhairt; chomh maith le bearta riachtanacha a bhfuil bonn cirt leo a ghlacadh chun fadhbanna sonracha a réiteach i gcás éigeandála. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

- (64) Chun teacht ar réiteach ar fhadhbanna práinneacha a tharlaíonn i gceann amháin de na Ballstáit nó níos mó ná sin nuair a chinntítear leanúnachas an chórais íocaíochta díri, ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme is infheidhme láithreach a ghlacadh, i gcásanna a bhfuil bonn cirt cuí leo agus ina bhfuil tionchar ag mórchúiseanna práinne ar dheonú tacaíochta agus a chuireann cur chun feidhme éifeachtúil na n-íocaíochtaí faoi na scéimeanna tacaíochta a liostaítear sa Rialachán seo i mbaol.
- (65) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach ach gur féidir. de bharr na nasc idir an Rialachán seo agus ionstraimí eile CBT, na míréireachtaí idir na ceantair tuaithe éagsúla agus acmhainní airgeadais teoranta na mBallstát in Aontas atá méadaithe, iad a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais trí bhithin ráthaíocht ilbhliantúil ar mhaoiniú an Aontais agus trí dhírú ar thosaíochtaí soiléire sainithe, i bhfianaise, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ("CAE"). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (66) Ós rud é go bhfuil Rialachán (CE) Uimh. 79/2009 le leanúint de bheith i bhfeidhm in 2014, ba cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2015 go ginearálta. Mar sin féin, le forálacha an Rialacháin seo maidir le solúbthacht idir colúin don fhéidearthacht, foráiltear don fhéidearthacht do na Ballstáit cinntí a ghlacadh agus iad a chur in iúl don Choimisiún faoin 31 Nollaig 2013. Chomh maith leis sin, ceanglaítear le roinnt forálacha eile den Rialachán seo go nglacfaí gníomh roimh 2014. Ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh feidhm ag na forálacha sin amhail ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (67) I ngeall ar an bpráinneacht a bhaineann le cur chun feidhme mín na mbearta arna mbeartú a ullmhí, ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

TEIDEAL I

RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Raon feidhme

Bunaítear leis an Rialachán seo:

- (a) comhrialacha maidir le híocaíochtaí a dheonófar go díreach d'fheirmeoirí faoi na scéimeanna tacaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I ("íocaíochtaí díreacha");

(b) rialacha sonracha maidir le:

- (i) íocaíocht bhunúsach d'fheirmeoirí ("scéim na híocaíochta bunúsaí") agus scéim shimplithe idirthréimhse ("an scéim íocaíochta aonair limistéir");
- (ii) cabhair idirthréimhseach dheonach náisiúnta d'fheirmeoirí;
- (iii) íocaíocht athdháilte dheonach;
- (iv) íocaíocht i gcomhair feirmeoirí a urramóidh cleachtais talmhaíochta a bheidh chun leasa na haeráide agus an chomhshaoil;
- (v) íocaíocht dheonach i gcomhair feirmeoirí i limistéir a mbeidh srianta sonracha nádúrtha iontu;
- (vi) íocaíocht i gcomhair feirmeoirí óga a bheidh ag dul i mbun gníomhaíochta talmhaíochta den chéad uair;
- (vii) scéim um thacaíocht chúpláilte dheonach;
- (viii) íocaíocht i leith bairr shonraigh le haghaidh cadáis;
- (ix) scéim shimplithe dheonach i gcomhair feirmeoirí beaga;
- (x) creat ina bhféadfaidh an Bhulgáir, an Chróit agus an Rómáin íocaíochtaí díreacha a chomhlánú.

Airteagal 2

Iarscríbhinn I a leasú

Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 lena leasaítear liosta na scéimeanna tacaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn I, a mhéid is gá chun aon gníomhartha reachtacha nua maidir le scéimeanna tacaíochta a d'fhéadfaí a ghlacadh tar éis ghlacadh an Rialacháin seo a chur san áireamh.

Airteagal 3

Cur i bhfeidhm maidir leis na réigiúin is forimeallaí agus maidir leis na hOileáin bheaga Aeigéacha

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 11 maidir leis na réigiúin den Aontas dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE ("na réigiúin is forimeallaí") agus maidir leis na híocaíochtaí díreacha a dheonaítear sna hOileáin bheaga Aeigéacha i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 229/2013.

Ní bheidh feidhm ag Teideal III, Teideal IV agus Teideal V den Rialachán seo maidir leis na réigiúin is forimeallaí.

Airteagal 4

Sainmhínte agus forálacha gaolmhara

1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (a) ciallaíonn "feirmeoir" duine nádúrtha nó dlítheanach, nó grúpa daoine nádúrtha nó dlítheanacha, beag beann ar an stádas atá bronnta ag an dlí náisiúnta ar ghrúpa den sórt sin agus ar a bhaill, a bhfuil a ghabháltas lonnaithe laistigh de raon feidhme críochach na gConarthaí, mar a sainmhíntear in Airteagal 52 CAE í, in éineacht le hAirteagal 349 agus le hAirteagal 355 CFAE, agus ar duine é nó ar grúpa é atá i mbun gníomhaíochta talmhaíochta;
- (b) ciallaíonn "gabháltas" na haonaid ar fad a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí talmhaíochta agus a bhainistítear ag feirmeoir atá lonnaithe laistigh de chríoch an Bhallstáit chéanna;
- (c) ciallaíonn "gníomhaíocht talmhaíochta":
- (i) táirgí talmhaíochta a tháirgeadh, a thógáil nó a fhás, lena n-áirítear buaint, bleán, ainmhithe a phóru, agus ainmhithe a choinneáil chun críocha feirmeoireachta,
- (ii) limistéar talmhaíochta a choimeád i riocht atá oiriúnach d'innilt nó do shaothrú gan aon ghníomhaíocht ullmhúcháin a dhéanamh sa bhreis ar ghnáthmhodhanna agus gnáthinnealra talmhaíochta, bunaithe ar na critéir a bhunaítear ag na Ballstáit ar bhonn an chreata a leagfaidh an Coimisiún síos, nó
- (iii) gníomhaíocht íosta, arna sainiú ag na Ballstáit, a dhéanamh ar limistéir talmhaíochta a choimeádtar go nádúrtha i riocht atá oiriúnach d'innilt nó do shaothrú;
- (d) ciallaíonn "táirgí talmhaíochta" na táirgí, cé is moite de tháirgí iascaigh, a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Conarthaí, mar aon le cadás;
- (e) ciallaíonn "limistéar talmhaíochta" aon limistéar atá in úsáid mar thalamh arúil, féarthailte buana agus féarthailte buana, nó le haghaidh barr buan;
- (f) ciallaíonn "talamh arúil" talamh a shaothraítear le haghaidh táirgeadh barr nó na limistéir atá ar fáil le haghaidh táirgthe barr ach atá fágtha bán, lena n-áirítear na limistéir sin a fhágtar ar leataobh i gcomhréir le hAirteagal 22, le hAirteagal 30 agus le hAirteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1257/1999, le hAirteagal 39 de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 agus le hAirteagal 28 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, bíodh an talamh sin faoi thithe gloine nó faoi chlúdach buan nó soghluaiste;
- (g) ciallaíonn "barra buana" barra nach bhfuil de réir uainíochta cé is moite d'fhéarthailte buana agus féarach buan a áitíonn an talamh ar feadh cúig bliana nó níos nó agus a thugann barra bliain i ndiaidh bliana, lena n-áirítear plandlanna agus garrán gearruainíochta;
- (h) ciallaíonn "féarthailte buana agus féarach buan" (dá dtagraítear i dteannta a chéile mar "féarthailte buana") talamh a úsáidtear chun féar nó foráiste luibheach eile a fhás go nádúrtha (féinsiolaithe) nó a shaothrú (síolaithe) agus nár áiríodh in uainíocht bharr an ghabháltais ar feadh cúig bliana nó níos mó, féadfar a áirithiú leis sin speicis eile amhail toir agus/nó crainn atá in-innilt ar choinníoll gurb iad na féara agus an foráiste luibheach eile a bheidh i gcónaí ceannasach agus i gcás ina gcinneann na Ballstáit amhlaidh, talamh ar a bhféadtar innilt a dhéanamh agus ar talamh é atá mar chuid de chleachtas áitiúla sheanbhunaithe i gcásanna nach bhfuil féara agus foráiste luibheach eile ceannasach i limistéir innilt go traidisiúnta;
- (i) ciallaíonn "féara nó foráiste luibheach eile" gach planda luibheach atá le fáil go traidisiúnta i bhféarthailte nádúrtha nó a áirítear de ghnáth i meascáin de shíolta le haghaidh féarthailte nó móinéar sa Bhallstát, is cuma cé acu a chuirtear ainmhithe ag innilt orthu nó nach gcuirtear;
- (j) ciallaíonn "plandlanna" na limistéir seo a leanas ina mbíonn plandaí óga ligneacha (adhmadacha) ag fás faoin aer agus a thrasphlandaítear ina dhiaidh sin:
- plandlanna fíniúnacha agus fréamhstoc,
- plandlanna crann torthaí agus caor,
- plandlanna ornáideacha,
- plandlanna tráchtála crann foraoise, cé is moite de na crainn sin a fhástar don ghabháltas féin laistigh de choillearnach,
- plandlanna crann agus tor le cur i ngairdíní, i bpáirceanna, cois bóthair agus ar chlaífoirt, (e.g. plandaí fáil sceach, crainn róis agus toir eile ornáideacha, cónaiféir ornáideacha), lena n-áirítear i ngach cás a gceapa agus a síolphlandaí óga;
- (k) ciallaíonn "garrán gearruainíochta" limistéir ina bhfuil na cineálacha crann dar cód CN 0602 90 41 curtha, atá le sainmhíniú ag na Ballstáit, ar barra adhmaid, ilbhliantúla iad, agus a bhfanann a bhfréamhstoc nó a mbunáin sa talamh tar éis na buainte, áit a bhféadfaidh buinní nua an séasúr ina dhiaidh agus le huas-timthriall buainte a bheidh le cinneadh ag na Ballstáit;
- (l) ciallaíonn "díolachán" aon díolachán nó aon aistriú cinntitheach ar úinéireacht ar thalamh nó ar theidlíochtaí íocaíochta; ní áirítear leis díolachán talún i gcás ina n-aistrítear an talamh chuig na húdaráis phoiblí nó i gcás ina mbaintear úsáid as ar mhaithe leis an bpobal agus i gcás ina ndéantar an t-aistriú chun críocha neamhthalmhaíochta;
- (m) ciallaíonn "léas" comhaontú cíosa nó idirbheart sealadach comhchosúil;

(n) ciallaíonn "aistriú" léas nó díolachán nó oidhreacht iarbhrí nó oidhreacht ionchais an talaimh nó teidlíochtaí íocaíochta nó aon aistriú cinntitheach eile; ní chumhdaítear leis aisíoc na dteidlíochtaí nuair a rachaidh an léas in éag.

2. Déanfaidh na Ballstáit:

- (a) na critéir a leagan síos is gá d'fheirmeoirí a chomhlíonadh chun an oibleagáid maidir le limistéar talmhaíochta a choimeád i riocht atá oiriúnach d'innilt nó do shaothrú, dá dtagraítear i bpointe (c)(ii) de mhír 1;
- (b) nuair is iomchuí, i mBallstát, an ghníomhaíocht íosta a shainiú atá le déanamh ar limistéir talmhaíochta a choinnítear go nádúrtha i riocht atá oiriúnach d'innilt nó do shaothrú, dá dtagraítear sa tríú fhleasc de phointe (c)(iii) de mhír 1;
- (c) na speicis chrainn atá cáilithe le haghaidh garráin ghearruainíochta a shainiú agus an timthriall buainte uasta a chinneadh i ndáil leis na speicis chrainn sin, dá dtagraítear i bpointe (k) de mhír 1.

Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, maidir le talamh ar féidir innilt air agus atá mar chuid de chleachtais áitiúla sheanbhunaithe i gcásanna nach bhfuil féara agus foráiste luibheach eile ceannasach i limistéir innilte go traidisiúnta, go measfar an talamh sin mar féarthailte buana, dá dtagraítear i bpointe (h) de mhír 1.

3. Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 lena mbunaítear:

- (a) an creat ina mbunóidh na Ballstáit na critéir is gá d'fheirmeoirí a chomhlíonadh chun an oibleagáid maidir leis an limistéar talmhaíochta a choimeád i riocht atá oiriúnach d'innilt nó do shaothrú agus dá dtagraítear sa dara fleasc de phointe (c) de mhír 1 a chomhlíonadh;
- (b) an creat ina ndéanfaidh na Ballstáit an ghníomhaíocht íosta a shainiú atá le déanamh ar limistéir talmhaíochta a choinnítear go nádúrtha i riocht atá oiriúnach d'innilt nó do shaothrú, dá dtagraítear sa tríú fhleasc de phointe (c) de mhír 1;
- (c) na critéir lena gcinnfear iomadúlacht féaraigh agus foráiste luibhíoch eile agus na critéir lena gcinnfear na cleachtais áitiúla seanbhunaithe dá dtagraítear i bpointe (h) de mhír 1.

TEIDEAL II

FORÁLACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE HÍOCAÍOCHTAÍ DÍREACHA

CAIBIDIL I

Rialacha comhchoiteanna maidir le híocaíochtaí díreacha

Airteagal 5

Forálacha ginearálta an chomhbheartais talmhaíochta

Beidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus na forálacha a ghlactar dá bhun i ndáil leis na scéimeanna dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

Airteagal 6

Uasteorainneacha náisiúnta

1. Is mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II í a bheidh an uasteorainn náisiúnta do gach Ballstát agus do gach bliain, a bheidh comhdhéanta de luach iomlán na dteidlíochtaí íocaíochta leithdháilte, den chúlchiste náisiúnta nó de chúlchistí réigiúnacha agus de na huasteorainneacha a shocrófar i gcomhréir le hAirteagal 42, 47, 49, 51 agus 53.

I gcás ina mbainfidh Ballstát leas as an rogha dá bhforáiltear sa dara fómhír d'Airteagal 22(2), féadfar dul thar an uasteorainn náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinn II don Bhallstát sin don bhliain faoi seach go dtí méid a ríomhfar i gcomhréir leis an bhfómhír sin.

2. De mhaolú ar mhír 1, i gcás gach Ballstáit a bhfuil an scéim íocaíochta aonair limistéir á cur i bhfeidhm aige agus do gach bliain, beidh an uasteorainn náisiúnta ina bhfuil na huasteorainneacha a shocrófar i gcomhréir le hAirteagal 36, 42, 47, 49, 51 agus 53 mar a leagtar amach í in Iarscríbhinn II.

3. Chun na forbairtí a bhaineann le huasmhéideanna iomlána na n-íocaíochtaí díreacha is féidir a dheonú a chur san áireamh, lena n-áirítear iad siúd a thiofaidh as na cinní atá le déanamh ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 14 agus as cur i bhfeidhm in Airteagal 20(2), tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 lena ndéantar na huasteorainneacha náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a oiriúntú.

Airteagal 7

Glan-uasteorainneacha

1. Gan dochar d'Airteagal 8, méid iomlán na n-íocaíochtaí díreacha a fhéadfar a dheonú i mBallstát de bhun Theideal III, Theideal IV ná Theideal V in aon bhliain féilire amháin, tar éis Airteagal 11 a chur i bhfeidhm, ní bheidh sé níos mó ná na huasteorainneacha comhfhreagracha a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

I gcás ina mbeadh méid iomlán na n-íocaíochtaí díreacha a bheidh le deonú i mBallstát níos mó ná na huasteorainneacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III, déanfaidh an Ballstát sin laghdú líneach ar mhéideanna na n-íocaíochtaí díreacha ar fad, cé is moite de na híocaíochtaí díreacha a dheonaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 228/2013 agus Rialachán (CE) Uimh. 229/2013.

2. I gcás gach Ballstáit agus do gach bhliain féilire, an táirgeadh measta ar an laghdú ar íocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 11 (a léirítear sa difríocht idir na huasteorainneacha náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinn II, lena gcuirtear an méid atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 58, agus na glan-uasteorainneacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III) cuirfear ar fáil é mar thacaíocht ón Aontas do bhearta faoi chláraigrú forbartha tuaithe a mhaoinítear faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) a shonraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.

3. Chun na forbairtí a bhaineann le huasmhéideanna iomlána na n-íocaíochtaí díreacha is féidir a dheonú a chur san áireamh, lena n-áirítear iad siúd a thiofaidh as na cinní atá le déanamh ag Ballstáit de bhun Airteagal 14, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 chun na huasteorainneacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a oiriúntú.

Airteagal 8

Smacht airgeadais

1. Ní bheidh feidhm ag an ráta coigeartaithe a chinnfear i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ach amháin maidir le híocaíochtaí díreacha ar mó iad ná EUR 2 000 a bheidh le deonú d'fheirmeoirí sa bhliain ábhartha féilire.

2. Mar thoradh ar íocaíochtaí díreacha a thabhairt isteach de réir a chéile, dá bhforáiltear in Airteagal 16, beidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo maidir leis an mBulgáir agus an Rómáin ón 1 Eanáir 2016 amach.

Mar thoradh ar íocaíochtaí díreacha a thabhairt isteach de réir a chéile, dá bhforáiltear in Airteagal 16a, beidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo maidir leis an gCróit ón 1 Eanáir 2022 amach.

3. D'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm ar bhealach úr na coigeartuithe ar na híocaíochtaí díreacha maidir le smacht airgeadais, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 lena leagtar síos rialacha maidir leis an mbonn le haghaidh ríomh na laghduithe a chuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm maidir le feirmeoirí de bhun mhír 1 den Airteagal seo.

4. I gcás duine dhlítheanaigh, nó grúpa daoine nádúrtha nó dlítheanacha, féadfaidh na Ballstáit an ráta coigeartaithe dá dtagraítear i mír 1 a chur i bhfeidhm ar leibhéal chomhaltaí na ndaoine nó na ngrúpaí dlítheanacha sin i gcás ina bhforálfar leis an dlí náisiúnta do chearta agus d'oibleagáidí na gcomhaltaí aonair atá incomparáide le cearta feirmeoirí aonair atá i gceannas ar ghabhálas, go háirithe maidir lena stádas eacnamaíoch, sóisialta agus cánach, ar an gcoinníoll gur chuidigh siad le struchtúir talmhaíochta na ndaoine nó na ngrúpaí dlítheanacha lena mbaineann a neartú.

Airteagal 9

Feirmeoir gníomhach

1. Ní dhéanfar aon íocaíochtaí díreacha a dheonú do dhaoine nádúrtha ná do dhaoine dlítheanacha, ná do ghrúpaí daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha ar limistéir iad a limistéir talmhaíochta a choinnítear go nádúrtha, den chuid is mó, i riocht atá oiriúnach d'innilt nó do shaothrú agus nach ndéanann siad sna limistéir sin an ghníomhaíocht íosta arna sainiú ag na Ballstáit i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 4(2).

2. Ní dhéanfar aon íocaíocht dhíreacha a dheonú do dhaoine nádúrtha ná do dhaoine dlítheanacha, ná do ghrúpaí daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha i gcás ina mbeidh aerfoirt, seirbhísí iarnróid, oibreacha uisce, seirbhísí eastáit réadaigh, ionaid bhuaana spóirt agus áineasa á n-oibriú acu.

Féadfaidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, ar bhonn critéar oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach, aon ghnólacht nó aon ghníomhaíocht chomhchosúil neamhthalmhaíochta eile a

liostaítear sa chéad fhomhír a chur leis an liosta sin, agus féadfaidh siad a chinneadh ina dhiaidh sin na gnólachtaí nó na gníomhaíochtaí sin a tharraingt siar.

Breathnófar ar dhuine nó ar ghrúpa de dhaoine a a thagann faoi raon feidhme na chéad fhomhíre nó na dara fhomhíre mar fheirmeoir gníomhach, áfach, má fhéadtar fianaise infhíoraithe a chur ar fáil, i bhfoirm a éilíonn na Ballstáit, lena léirítear aon cheann de an nithe seo a leanas:

(a) gurb ionann ar a laghad 5 % d'iomlán na bhfáltais ar fad a fuarthas ó ghníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta sa bhliain fhioscach is déanaí a bhfuil fianaise mar sin ar fáil ina leith méid bliantúil na n-íocaíochtaí díreacha;

(b) go bhfuil na gníomhaíochtaí talmhaíochta a dhéantar suntasach;

(c) gurb ionann an príomhghnó nó cuspóirí an ghnó agus gníomhaíocht talmhaíochta a fheidhmiú.

3. I dteannta mhír 1 agus mhír 2, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, ar bhonn critéar oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach nach ndéanfar aon íocaíocht dhíreacha a dheonú do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha nó do ghrúpa daoine nádúrtha nó dlítheanacha:

(a) nach ionann a ngníomhaíochtaí talmhaíochta ach cuid an-bheag dá ngníomhaíochtaí eacnamaíochta foriomlána, agus/nó

(b) nach gníomhaíocht talmhaíochta é a bpríomhghníomhaíocht agus nach é cuspóir a ngnó é.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 2 ná ag mír 3 ach maidir le feirmeoirí nach bhfuair íocaíochtaí díreacha nach raibh níos mó ná suim áirithe don bhliain roimhe sin. Cinnfidh na Ballstáit an tsuim sin ar bhonn critéar oibiachtúil amhail a gcuid tréithe náisiúnta nó réigiúnacha agus ní bheidh sí níos airde ná EUR 5 000.

5. Chun cosaint chearta na bhfeirmeoirí a ráthú, Culmhachtófar an Coimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 lena leagfar síos:

(a) na critéir lena gcinnfear na cásanna ina measfar limistéar talmhaíochta feirmeora a bheith, den chuid is mó ina limistéar a choimeádtar go nádúrtha i riocht atá oiriúnach d'innilt nó do shaothrú;

(b) na critéir chun idirdhealú a dhéanamh idir fáltais ó ghníomhaíochtaí talmhaíochta agus ó ghníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta;

(c) na critéir chun méid na n-íocaíochtaí díreacha a shuíomh dá dtagraítear i mír 2 agus mír 4, go háirithe maidir le teidlíochtaí íocaíochta sa chéad bhliain de leithdháileadh na dteidlíochtaí íocaíochta i gcás nach bhfuil luach na dteidlíochtaí íocaíochta bunaithe go cinntitheach fós, agus maidir le teidlíochtaí íocaíochta na critéir d'fheirmeoirí nua;

(d) na critéir atá le comhlíonadh ag feirmeoirí lena chruthú chun críoch mhír 2 agus mhír 3 go bhfuil a ngníomhaíochtaí talmhaíochta suntasach agus gurb ionann a bpríomhghnó nó cuspóir a ghnó agus gníomhaíocht talmhaíochta a fheidhmiú.

6. Cuirfidh na Ballstáit aon chinneadh dá dtagraítear i mír 2, mír 3 agus mír 4 in iúl don Choimisiún faoin 1 Lúnasa 2014 agus, i gcás ina ndéanfar leasuithe, laistigh de dhá sheachtain ón dáta ar a ndéanadh aon chinneadh chun leasú a dhéanamh.

Airteagal 10

Íoscheanglais chun íocaíochtaí díreacha a fháil

1. Cinnfidh na Ballstáit cé acu de na cásanna seo a leanas nach ndéanfar íocaíochtaí díreacha d'fheirmeoirí:

(a) i gcás inar lú ná EUR 100 méid iomlán na n-íocaíochtaí díreacha a éileofar nó a bheidh le deonú i mbliain féilire áirithe sula ndéanfar Airteagal 63 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 a chur i bhfeidhm;

(b) i gcás inar lú ná heicteár amháin limistéar incháilithe an ghabháiltais a mbeidh íocaíochtaí díreacha á n-éileamh nó le deonú ina leith sula ndéanfar Airteagal 63 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 a chur i bhfeidhm.

2. Féadfaidh na Ballstáit na tairseacha a leagtar amach i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 1 a choigeartú, laistigh de na teorainneacha a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, chun struchtúr a ngeilleagar talmhaíochta a chur san áireamh.

3. I gcás Ballstáit a chinn tairseach limistéir a chur i bhfeidhm de bhun pointe (b) de mhír 1, cuirfidh siad pointe (a) den mhír sin i bhfeidhm mar sin féin i gcás na bhfeirmeoirí sin a gheobhaidh an tacaíocht chúpláilte a bhaineann le hainmhithe dá dtagraítear i dTeideal IV a mbeidh níos lú heicteár ar seilbh acu ná an tairseach limistéir.

4. Féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann cinneadh a dhéanamh gan mír 1 a chur i bhfeidhm maidir leis na réigiúin is forimeallaí agus maidir leis na hoileáin bheaga Aeigéacha.

5. I gcás na Bulgáire agus na Rómáine, sa bhliain 2015, déanfar an méid a éilítear nó atá le deonú dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 a ríomh ar bhonn an méid a leagtar amach i bpointe A de d'Iarscríbhinn V.

I gcás na Cróite, sna blianta 2015-2021, déanfar an méid a éilítear nó atá le deonú dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1a ríomh ar bhonn an méid a leagtar amach i bpointe A d'Iarscríbhinn VI.

Airteagal 11

Laghdú ar na híocaíochtaí

1. Déanfaidh Ballstáit méid na n-íocaíochtaí díreacha atá le deonú d'fheirmeoir de bhun Chaibidil 1 de Theideal III do bhliain féilire áirithe a laghdú faoi ar a laghad 5 % don chuid den tsuim atá os cionn EUR 150 000.

2. Sula gcuirfeadh mír 1 i bhfeidhm, féadfaidh na Ballstáit na tuarastail a bhaineann le gníomhaíocht thalmhaíochta a d'íoc agus a dhearbhaigh an feirmeoir iarbhrí an bhliain féilire roimhe sin, lena n-áirítear cánacha agus ranníocaíochtaí sóisialta a bhaineann le fostaíocht, a bhaint ó mhéid iomlán na n-íocaíochtaí díreacha a bheidh le deonú d'fheirmeoir de bhun Chaibidil 1 de Theideal III i mbliain féilire faoi leith. I gcás nach mbeidh sonraí ar bith ar fáil i dtaobh na dtuarastal a d'íoc agus a dhearbhaigh an feirmeoir sa bhliain féilire roimhe sin, úsáidfeadh na sonraí is déanaí a bheidh ar fáil.

3. I gcás ina gcinneann Ballstát íocaíocht athdháilte a dheonú d'fheirmeoirí de bhun Chaibidil 2 de Theideal III agus os cionn 5 % den uasteorainn bhliantúil náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinn II chun na críche sin a úsáid; féadfaidh siad a chinneadh gan an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm.

I gcás ina gcinneann Ballstát íocaíocht athdháilte a dheonú d'fheirmeoirí de bhun Chaibidil 2 de Theideal III i gcás ina gcoiscfeadh na Ballstáit sin os cionn 5 % den uasteorainn bhliantúil náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinn II chun na críche sin a úsáid féadfaidh an Ballstát sin a chinneadh gan an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm.

4. Ní dheonófar aon bhuntáiste trí bhíthin laghdú na híocaíochta a sheachaint i bhfabhar feirmeoirí a mbeidh sé suite ina leithgur chruthaigh siad, tar éis an 18 Deireadh Fómhair 2011, na coinníollacha go saorga chun éifeachtaí an Airteagail seo a sheachaint.

5. I gcás duine dhlítheanaigh, nó grúpa daoine nádúrtha nó dlítheanacha, féadfaidh na Ballstáit an laghdú dá dtagraítear sa chéad mhír den Airteagal seo a chur i bhfeidhm ar leibhéal chomhaltaí na ndaoine nó na ngrúpaí dlítheanacha sin i gcás ina bhforálfar leis an dlí náisiúnta do chearta agus d'oibleagáidí na gcomhaltaí aonair atá inchomparáide le cearta feirmeoirí aonair atá stádas cheann an ghabháiltais acu, go háirithe maidir lena stádas eacnamaíoch, sóisialta agus cánach, ar choinníoll gur chuidigh siad struchtúir talmhaíochta na ndaoine nó na ngrúpaí dlíthiúla lena mbaineann a neartú.

6. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin 1 Lúnasa 2014 faoi aon chinntí a dhéanfar i gcomhréir leis an Airteagal seo agus faoi aon táirgeadh measta laghduithe do na blianta 2015 go 2019.

Airteagal 12

Éilimh iolracha

An limistéar a fhreagróidh do líon na heicteár incháilithe ar chuir feirmeoir iarratas ar íocaíocht bhunúsach isteach ina leith de bhun Chaibidil 1 de Theideal III, féadfaidh sé a bheith ina ábhar iarratais ar aon íocaíocht dhíreach eile nó ar aon chabhair eile nach gcuimhdáitear leis an Rialachán seo, ach amháin má dhéantar foráil shainráite dá mhalairt sa Rialachán seo.

*Airteagal 13***Státchabhair**

De mhaolú ar Airteagal 211(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, ní bheidh feidhm ag Airteagal 107, ag Airteagal 108 ná ag Airteagal 109 CFAE maidir le híocaíochtaí a dhéanfaidh na Ballstáit i gcomhréir leis an Rialachán seo.

*Airteagal 14***Solúbthacht idir cholúin**

1. Faoin 31 Nollaig 2013, féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh suas le 15 % dá n-uasteorainneacha náisiúnta bliantúla don bhliain féilire 2014 a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 73/2009 agus dá n-uasteorainneacha náisiúnta bliantúla do na blianta féilire 2015 go 2019 a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo iad a chur ar fáil mar thacaíocht bhreise do bhearta faoi chláreagú forbartha tuaithe a mhaoineofar faoi CETFT mar a shonraítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013. Dá bhrí sin, ní bheidh an méid comhfhreagrach ar fáil a thuilleadh le híocaíochtaí díreacha a dheonú.

Cuirfear in iúl don Choimisiún faoin 31 Nollaig 2013 an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Leagfar amach leis an gcinneadh sin an céatadán dá dtagraítear san fhomhír sin agus féadfaidh sin athrú de réir na bliana féilire.

Maidir leis na Ballstáit nach ndéanfaidh an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír i ndáil leis an mbliain féilire 2014, féadfaidh siad, roimh an 1 Lúnasa 2014, an cinneadh sin a ghlacadh, i ndáil leis na blianta féilire 2015 go 2019. Tabharfaidh siad fógra ina leith don Choimisiún faoin dáta sin.

Féadfaidh Ballstáit a chinneadh athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh sa mhír seo le héifeacht ón mbliain féilire 2018. Ní bheidh laghdú ar an gcéatadán a cuireadh in iúl don Choimisiún i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, an dara fhomhír agus an tríú fhomhír mar thoradh ar aon chinntí a bheidh bunaithe ar athbhreithniú den sórt sin. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi chinntí a bheidh bunaithe ar athbhreithniú den sórt sin i ndáil leis an athbhreithniú faoin 1 Lúnasa 2017.

2. Faoin 31 Nollaig 2013, féadfaidh Ballstáit nach ndéanann an cinneadh dá dtagraítear i mhír 1, cinneadh suas le 15 % a chur ar fáil mar íocaíochtaí díreacha, nó i gcás na dtíortha seo: an Bhulgáir, an Eastóin, an Spáinn, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Fhionlainn, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe, cinneadh a dhéanamh suas le 25 % den mhéid a leithdháiltear mar thacaíocht do na bearta faoin gcláreagú forbartha tuaithe a mhaoineofar faoi CETFT don tréimhse 2015-2020 mar a shonraítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 a chur ar fáil mar íocaíochtaí díreacha faoin Rialachán seo. Dá bhrí sin, ní bheidh an méid comhfhreagrach ar fáil a thuilleadh le haghaidh beart tacaíochta faoi chláreagrú forbartha tuaithe.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear comheagrú na margaí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CE) Uimh. 1601/96, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 17 Nollaig 2013 1234/2007 (Féach leathanach 671 den Iris Oifigiúil seo)

Cuirfear an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír in iúl don Choimisiún faoin 31 Nollaig 2013. Leagfar amach leis an gcinneadh sin an céatadán dá dtagraítear san fhomhír sin agus féadfaidh sin athrú de réir na bliana féilire.

Maidir leis na Ballstáit nach ndéanann an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír i ndáil leis an mbliain airgeadais 2015, féadfaidh siad, faoin 1 Lúnasa 2014, an cinneadh sin a dhéanamh i ndáil leis na blianta airgeadais 2016-2020. Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún i leith aon chinntí den sórt sin faoin dáta sin.

Féadfaidh Ballstáit a chinneadh athbhreithniú a dhéanamh ar na cinntí sa mhír seo le héifeacht ón mbliain airgeadais 2019 agus ón mbliain airgeadais 2020. Ní bheidh laghdú ar an gcéatadán a cuireadh in iúl don Choimisiún i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, an dara fhomhír agus an tríú fhomhír mar thoradh ar aon chinneadh a bheidh bunaithe ar athbhreithniú den sórt sin. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi chinntí den sórt sin i ndáil le haon chinneadh a bheidh bunaithe ar athbhreithniú den sórt sin faoin 1 Lúnasa 2017.

*Airteagal 15***Athbhreithniú**

Beidh feidhm ag na scéimeanna tacaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I gan dochar d'athbhreithniú a fhéadfaí a dhéanamh tráth ar bith i bhfianaise forbairtí eacnamaíochta agus an tsuimh bhuiséadaigh. Is féidir gurb é a bheidh mar thoradh ar an athbhreithniú sin go nglacfar gníomhartha reachtacha, gníomhartha tarmilgthe faoi Airteagal 290 CFAE no gníomhartha cur chun feidhme faoi Airteagal 291.

*CAIBIDIL 2***Forálacha atá infheidhme maidir leis an mBulgáir, an gCróit agus an Rómáin***Airteagal 16***Íocaíochtaí díreacha a thabhairt isteach de réir a chéile sa Bhulgáir agus sa Rómáin**

I gcás na Bulgáire agus na Rómáine, bunófar uasteorainneacha náisiúnta na n-íocaíochtaí arna socrú i gcomhréir le hAirteagail 42, 47, 49, 51, 53 agus 65 don bhliain 2015 ar bhonn an méid a leagtar amach i bpointe A d'Iarscríbhinn V.

*Airteagal 17***Íocaíochtaí díreacha á dtabhairt isteach de réir a chéile sa Chróit**

Sa Chróit, tabharfar íocaíochtaí díreacha isteach de réir an sceidil seo a leanas d'incrimintí a chuirtear in iúl mar chéatadán de leibhéal comhfhreagrach na n-íocaíochtaí díreacha a chuirfear i bhfeidhm ó 2022 amach:

25 % sa bhliain 2013,

30 % sa bhliain 2014,

35 % sa bhliain 2015,

40 % sa bhliain 2016,

50 % sa bhliain 2017,

60 % sa bhliain 2018,

70 % sa bhliain 2019,

80 % sa bhliain 2020,

90 % sa bhliain 2021,

100 % ó 2022.

Airteagal 18

Íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha agus íocaíochtaí díreacha sa Bhulgáir agus sa Rómáin

1. In 2015, féadfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin íocaíochtaí díreacha náisiúnta a úsáid chun íocaíochtaí a dheonófar faoi scéim na híocaíochta bunúsaí dá dtagraítear i Roinn 1, Roinn 2 agus Roinn 3 de Chaibidil 1 de Theideal III a chomhlánú Ní bheidh méid iomlán na n-íocaíochtaí sin níos mó ná an méid ábhartha a leagtar amach i bpointe B d'Iarscríbhinn V.

2. In 2015, féadfaidh an Bhulgáir íocaíochtaí díreacha náisiúnta a úsáid chun íocaíochtaí a dheonófar faoin íocaíocht i leith bairr shonraigh le haghaidh cadáis dá dtagraítear i gCaibidil 2 de Theideal IV a chomhlánú. Ní bheidh méid iomlán na n-íocaíochtaí sin níos mó ná an méid a leagtar amach i bpointe C d'Iarscríbhinn V.

3. Deonófar íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha i gcomhréir le critéir oibiachtúla agus ar bhealach a áiritheoidh go gcaithfear go cothrom le gach feirmeoir agus go seachnófar saobhadh ar an margadh agus ar an iomaíocht.

Airteagal 19

Íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha don Chróit

1. Faoi réir a údaraithe ón gCoimisiún, féadfaidh an Chróit aon cheann de na scéimeanna tacaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I a chomhlánú i gcás inarb ábhartha.

2. Cuirfidh imchlúdach sonrath airgeadais teorainn le méid na n-íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha is féidir a dheonú i mbliain ar leith do scéim tacaíochta ar leith. Is ionann an t-imchlúdach seo agus an difríocht idir:

(a) méid na tacaíochta díre atá ar fáil do gach scéim tacaíochta lena mbaineann tar éis tabhairt isteach iomlán íocaíochtaí díreacha i gcomhréir le hAirteagal 17, don bhliain féilire 2022 agus

(b) méid na tacaíochta díre atá ar fáil do gach scéim tacaíochta lena mbaineann tar éis sceideal na n-incrimintí a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 17 don bhliain féilire lena mbaineann.

3. Ní bheidh méid iomlán na n-íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha a dheonófar níos mó ná an uasteorainn a leagtar amach i bpointe B d'Iarscríbhinn VI do bhliain chomhfhreagrach féilire.

4. Féadfaidh an Chróit cinneadh a dhéanamh, bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus tar éis údarú ón gCoimisiún, maidir le méideanna na n-íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha atá le deonú.

5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena n-údarófar na híocaíochtaí faoin Airteagal seo, lena

sonrófar na scéimeanna tacaíochta ábhartha, agus lena saineofar an t-uasleibhéal ag a bhféadfar íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha a íoc.

Maidir le híocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha atá beartaithe an tacaíocht chúpláilte dheonach dá dtagraítear i gCaibidil 1 de Theideal IV a chomhlánú, sonrófar sna gníomhartha cur chun feidhme freisin na cineálacha sonracha feirmeoireachta nó na hearnálacha sonracha talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 52(3) lena bhféadfaidh na híocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha a bheith bainteach.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 71(2) nó (3) a chur i bhfeidhm.

6. Beidh na coinníollacha incháilitheachta le haghaidh íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha don Chróit comhionann leis na coinníollacha le haghaidh tacaíochta faoi scéimeanna tacaíochta comhfhreagracha mar a leagtar amach sa Rialachán seo.

7. Beidh íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha don Chróit faoi réir aon choigeartuithe a d'fhéadfadh a bheith riachtanach de bharr forbairtí ar CBT. Deonófar iad i gcomhréir le critéir oibiachtúla agus ar bhealach a áiritheoidh go gcaithfear go cothrom le gach feirmeoir agus go seachnófar saobhadh ar an margadh agus ar an iomaíocht.

8. Cuirfidh an Chróit tuarascáil isteach ina mbeidh faisnéis faoi na bearta maidir leis na híocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha a chur chun feidhme, faoin 30 Meitheamh na bliana tar éis a gcur chun feidhme. Cumhdófar an méid seo a leanas ar a laghad sa tuarascáil:

(a) aon athrú ar an staid a dhéanann dífead do na híocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha;

(b) i gcás gach íocaíochta díre náisiúnta comhlánta, líon na dtairbhíthe, méid iomlán nan-íocaíochta díre náisiúnta comhlánta a deonaíodh mar aon le líon na heicteár, na n-ainmhithe nó aonad eile ar deonaíodh an íocaíocht dhíreach náisiúnta comhlántach sin dóibh;

(c) tuarascáil maidir le bearta rialaithe a chuirfear i bhfeidhm i ndáil leis na híocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha a dheonófar.

Airteagal 20

Cúlchiste náisiúnta speisialta don Chróit leis an talamh a ghlanadh de mhianaigh talún

1. Ó 2015 amach, tabharfaidh an Chróit fógra don Choimisiún faoin 31 Eanáir gach bliain maidir leis na limistéir a sainaitníodh i gcomhréir le hAirteagal 57a(10) de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 agus atá in úsáid arís chun críoch talmhaíochta sa bhliain féilire roimhe sin.

Tabharfaidh an Chróit fógra freisin don Choimisiún faoi líon na dteidlíochtaí íocaíochta a bhí ar fáil d'fheirmeoirí an 31 Nollaig den bhliain féilire roimhe sin, agus faoin méid den cúlchiste náisiúnta speisialta leis an talamh a ghlanadh de mhianaigh talún atá fágtha gan chaitheamh ar an dáta céanna sin.

Más infheidhme, déanfar na fógraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fhomhír de réir an réigiúin mar atá sainithe i gcomhréir le hAirteagal 23(1) den Rialachán seo.

2. Agus Iarscríbhinn II á oiriúnú de bhun Airteagal 6(3) aige, ríomhfaidh an Coimisiún ar bhonn bliantúil an méid atá le cur leis na méideanna atá socraithe don Chróit san Iarscríbhinn sin, chun an tacaíocht atá le deonú faoi na scéimeanna a liostaítear in Iarscríbhinn I a mhaoiniú do na limistéir dá dtagraítear sa chéad mhír den Airteagal seo. Ríomhfar an méid sin ar bhonn na sonraí a dtugann an Chróit fógra ina leith i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, agus ar bhonn na meáníocaíochtaí díreacha measta in aghaidh an heicteáir sa Chróit don bhliain lena mbaineann.

EUR 9 600 000 a bheidh san uasmhéid atá le cur leis na méideanna sin i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, ar bhonn na limistéir ar fad a dtugann an Chróit fógra ina leith i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo suas go dtí 2022, agus beidh an méid sin faoi réir an sceidil maidir le tabhairt isteach íocaíochtaí díreacha i gcomhréir le hAirteagal 17. Leagtar amach na huasmhéideanna bliantúla a bheidh mar thoradh ar an méid sin in Iarscríbhinn VII.

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena socrófar an méid atá le cur leis na méideanna sin i gcomhréir le mír 2, a chuirfidh an Chróit san áireamh sa chúlchiste náisiúnta speisialta leis an talamh a ghlanadh de mhianaigh talún chun na teidlíochtaí íocaíochtaí a leithdháileadh do na limistéir dá dtagraítear i mhír 1. Ríomhfar an sciar sin ar bhonn an chóimheasa idir uasteorainn scéim na híocaíochta bunúsaí agus an uasteorainn náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinn II sula gcuirfear leis an uasteorainn náisiúnta i gcomhréir le mír 2. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 71(2).

4. I gcás na mblianta 2015 go dtí 2022, bainfidh an Chróit úsáid as an gcúlchiste náisiúnta leis an talamh a ghlanadh de mhianaigh talún chun teidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh ar fheirmeoirí ar bhonn talún a glanadh de mhianaigh talún a fhógróidh na feirmeoirí sa bhliain i dtrácht i gcás:

- (a) go bhfuil an talamh sin incháilithe de réir bhrí Airteagal 32(2) go (5),
- (b) go raibh an talamh i dtrácht in úsáid arís chun críoch talmhaíochta le linn na bliana féilire roimhe sin; agus
- (c) go bhfuil fógra faoin talamh curtha chuig an gCoimisiún i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo.

5. Is ionann luach na dteidlíochtaí íocaíochta a bhunaítear faoin Airteagal seo agus meánluach náisiúnta nó réigiúnach na dteidlíochtaí íocaíochta i mbliain an leithdháilte laistigh de theorainneacha an mhéid atá ar fáil sa chúlchiste náisiúnta speisialta leis an talamh a ghlanadh de mhianaigh talún.

6. Chun iarmhairtí a bhaineann le talamh ar glanadh na mianaigh talún di agus atá in úsáid arís anois chun críoch talmhaíochta a chur san áireamh, de réir mar a chuir an Chróit sin in iúl i gcomhréir leis an Airteagal seo, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 agus na méideanna a leagtar amach in Iarscríbhinn VI á n-oiriúnú.

TEIDEAL III

SCÉIM NA HÍOCAÍOCHTA BUNÚSAÍ, AN SCÉIM ÍOCAÍOCHTA AONAIR LIMISTÉIR AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ GAOLMHARA

CAIBIDIL 1

Scéim na híocaíochta bunúsaí agus an scéim íocaíochta aonair limistéir

Roinn 1

Scéim na híocaíochta bunúsaí a bhunú

Airteagal 21

Teidlíochtaí íocaíochta

1. Beidh tacaíocht ar fáil d'fheirmeoirí faoi scéim na híocaíochta bunúsaí:

(a) má fhaigheann siad teidlíochtaí íocaíochta faoin Rialachán seo trí leithdháileadh de bhun Airteagal 17b(4), tríd an gcéad leithdháileadh de bhun Airteagal 24 nó Airteagal 39, trí leithdháileadh ón gcúlchiste náisiúnta nó óna gcúlchistí réigiúnacha de bhun Airteagal 30, nó trí aistriú de bhun Airteagal 34; nó

(b) má chloíonn siad le hAirteagal 9 agus má tá teidlíochtaí íocaíochtaí acu, ar leo iad nó atá ar léas, i mBallstát a chinn, i gcomhréir le mír 3, na teidlíochtaí íocaíochta atá aige cheana a choimeád.

2. An 31 Nollaig 2014, rachaidh teidlíochtaí íocaíochta a fhaightear faoin scéim íocaíochta aonair i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 agus le Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 in éag.

3. De mhaolú ar mhír 2, na Ballstáit a bhunaigh scéim na híocaíochta bunúsaí i gcomhréir le Roinn I de Chaibidil 5 de Theideal III nó le Caibidil 6 de Theideal III de Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 nó le Caibidil 3 de Theideal III de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, féadfaidh siad a chinneadh, faoin 1 Lúnasa 2014, na teidlíochtaí íocaíochta atá ann cheana a choimeád. Cuirfidh siad aon chinneadh den sórt sin in iúl don Choimisiún faoin dáta sin.

4. Maidir leis na Ballstáit a dhéanfaidh an cinneadh dá dtagraítear i mír 3 i bhfeidhm, maidir le líon na dteidlíochtaí íocaíochta ar leo iad nó atá ar léas acu a bunaíodh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 agus le Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 agus a bheidh ag feirmeoir ar an dáta deiridh chun iarratais a chur isteach a bheidh le socrú i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 78 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, má tá sé os cionn líon na heicteáir incháilithe a dhearbhóidh an feirmeoir ina iarratas ar chabhair i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 72(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 don bhliain 2015 agus a bheidh ar fáil aige ar dháta a shocróidh an Ballstát nach mbeidh níos déanaí ná an dáta a shocrófar sa Bhallstát sin chun an t-iarratas sin ar chabhair a leasú, rachaidh líon na dteidlíochtaí íocaíochta a bheidh os cionn líon na heicteáir incháilithe in éag ar an dáta deireanach sin.

*Airteagal 22***Uasteorainn scéim na híocaíochta bunúsaí**

1. Glacfaidh an Coimisiún, i gcás gach Ballstáit, gníomhartha cur chun feidhme, an uasteorainn náisiúnta bhliantúil do scéim na híocaíochta bunúsaí trí na huasteorainneacha a a shocrófari gcomhréir le hAirteagail 42, 47, 49, 51 agus 53 a bhaint ón uasteorainnnáisiúnta bhliantúil a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 71(2).

2. I gcás gach Ballstát, féadfaidh an méid a ríomhtar i gcomhréir le fómhír 1 den Airteagal seo a ardú céatadán d'uasmhéid 3 % den uasteorainn bhliantúil náisiúnta ábhartha mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II í tar éis an méid atá mar thoradh ar chur i bhfeidhm Airteagal 47(1) don bhliain ábhartha a bhaint. I gcás ina gcuirfidh Ballstát méadú den sort sin i bhfeidhm, cuirfidh an Coimisiún ardú den chineál sin san áireamh agus an uasteorainn náisiúnta bhliantúil á socrú le haghaidh scéim na híocaíochta bunúsaí de bhun fómhír 1 den Airteagal seo. Chuige sin, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoin 1 Lúnasa 2014 faoi na céatadáin bhliantúla faoina n-ardófar an méid a ríomhadh de bhun na céad mhír demn Rialachá seo.

3. Féadaidh na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a gcinneadh dá dtagraítear i mír 2 ar bhonn bliantúla agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi aon chinneadh a bheidh bunaithe ar athbhreithniú den chineál sin faoin 1 Lúnasa sa bhliain roimh dóibh an cinneadh a chur i bhfeidhm.

4. I gcás gach Ballstáit agus gach bliana beidh luach na dteidlíochtaí íocaíochta ar fad móide luach an chúlchiste náisiúnta nó na gcúlchistí réigiúnacha cothrom leis an uasteorainn bliantúil náisiúnta a ghlacfaidh an Coimisiún de bhun mhír 1.

5. Más rud é go bhfuil an uasteorainn a shocraigh an Coimisiún do Bhallstát de bhun mhír 1 difriúil ó uasteorainn na bliana roimhe sin de bharr aon chinnidh a ghlac an Ballstát sin i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, leis an tríú agus ceathrú fómhír d'Airteagal 14(1), leis an tríú agus ceathrú fómhír d'Airteagal 14(2), Airteagal 42(1), an dara fómhír d'Airteagal 49(1), an dara fómhír d'Airteagal 51(1), nó Airteagal 53, déanfaidh an Ballstát laghdú nó méadú líneach ar luach na dteidlíochtaí íocaíochta ar fad chun a áirithiú go gcomhlíontar mír 4 den Airteagal seo.

*Airteagal 23***Leithdháileadh réigiúnach na n-uasteorainneacha náisiúnta**

1. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh, faoin 1 Lúnasa 2014, scéim na híocaíochta bunúsaí a chur i bhfeidhm ar an leibhéal réigiúnach. I gcásanna den sórt sin, saineoidh siad na réigiúin i gcomhréir le critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha, amhail a dtréithe agranamaíocha agus socheacnamaíocha agus a gcumas ó thaobh talmhaíochta réigiúnaí de nó a struchtúr institiúideach nó riaracháin.

Féadfaidh na Ballstáit a bhfuil Airteagal 36 á chur i bhfeidhm acu an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír a dhéanamh faoin 1 Lúnasa den bhliain roimh chéad bhliain chur chun feidhme scéime na híocaíochta bunúsaí.

2. Roinnfidh na Ballstáit an uasteorainn náisiúnta bhliantúil do scéim na híocaíochta bunúsaí dá dtagraítear in Airteagal 22(1) idir na réigiúin i gcomhréir le critéir oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha.

Déanfaidh na Ballstáit nach bhfuil Airteagal 30(2) á cur i bhfeidhm acu, an roinnt sin tar éis an laghdú líneach dá bhforáiltear in Airteagal 30(1) a chur i bhfeidhm.

3. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go mbeidh na huasteorainneacha réigiúnacha faoi réir modhnuithe bliantúla de réir a chéile i gcomhréir le bearta bliantúla réamhbhunaithe agus le critéir oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha amhail an cumas talmhaíochta nó critéir chomhshaoil.

4. Déanfaidh na Ballstáit laghdú líneach nó méadú líneach ar luach na dteidlíochtaí íocaíochta i ngach réigiún ábhartha a mhéad is gá chun na huasteorainneacha réigiúnacha is infheidhme a chinneadh i gcomhréir le mír 2 nó le mír 3 a urramú.

5. Féadfaidh na Ballstáit a mbeidh mír 1 á cur i bhfeidhm acu a chinneadh deireadh a chur le feidhmiú scéim na híocaíochta bunúsaí ar an leibhéal réigiúnach amhail ó dháta a leagfaidh siad síos.

6. Tabharfaidh na Ballstáit a mbeidh an chéad fhomhír de mhír 1 á cur i bhfeidhm acu fógra don Choimisiún faoin gcinneadh dá dtagraítear san fhomhír sin agus faoi na bearta a ghlactar chun mír 2 agus mír 3 a chur i bhfeidhm faoin 1 Lúnasa 2014.

Na Ballstáit a mbeidh an dara fómhír d'Airteagal 28c á chur i bhfeidhm acu, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún, faoi aon chinneadh dá dtagraítear san fhomhír sin agus faoi na bearta a ghlactar chun mír 2 agus mír 3 a chur i bhfeidhm faoin 1 Lúnasa den bhliain ábhartha.

Tabharfaidh na Ballstáit a mbeidh mír 1 á cur i bhfeidhm acu fógra don Choimisiún maidir le haon chinneadh dá dtagraítear i mír 5 faoi 1 Lúnasa den bhliain roimh chéad bhliain chur chun feidhme an chinnidh sin.

*Airteagal 24***Na teidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh den chéad uair**

1. Leithdháilfear teidlíochtaí íocaíochta ar fheirmeoirí atá i dteideal íocaíochtaí díreacha i gcomhréir le hAirteagal 9 den Rialachán seor choinníoll:

(a) go gcuireann siad iarratas isteach ar leithdháileadh teidlíochtaí íocaíochta faoi scéim na híocaíochta bunúsaí faoin dáta deiridh chun iarratas a chur isteach in 2015 a shocrófar i gcomhréir le pointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 78 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ach amháin i gcás force majeure nó [...]imthosca eiseachtúla; agus

(b) go bhfuil siad i dteideal íocaíochtaí a fháil sula ndéanfar aon laghdú nó eisiámh dá bhforáiltear i gCaibidil 4 de Theideal II de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, i ndáil le hiarratas ar chabhair d'íocaíochtaí díreacha nó ar chabhair náisiúnta idirthréimhseach nó ar íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 do 2013.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír sna Ballstáit a mbeidh Airteagal 21(3) á chur i bhfeidhm acu.

Féadfaidh Ballstáit íocaíochtaí díreacha a leithdháileadh ar fheirmeoirí ata i dteideal íocaíochtaí díreacha i gcomhréir le hAirteagal 9 den Rialachán seo, ar fheirmeoirí iad a chomhlíonann an coinníoll dá bhforáiltear i bpointe (a) den chéad fhomhír agus:

(a) ar fheirmeoirí iad nach bhfuair íocaíochtaí do 2013, i ndáil le hiarratas ar chabhair mar a thagraítear dó sa chéad fhomhír den Airteagal seo agus a tháirg, i mBallstáit a mbeidh an scéim íocaíochta aonair á cur i bhfeidhm acu, torthaí, glasraí, prátaí margaidh, prátaí síl, plandaí ornáideacha, faoin dáta a shocraigh an Ballstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1122/2009 ón gCoimisiún⁽¹⁾ don bhliain éilithe 2013:

(i) sna Ballstáit a mbeidh an scéim íocaíochta aonair limistéir á cur i bhfeidhm acu;

— torthaí, glasraí, prátaí margaidh, prátaí síl nó plandaí ornáideacha a táirgíodh ar íoslimistéar a thabharfar in heicteáir, agus má chinneann an Ballstát lena mbaineann ceanglas den sórt sin a ghlacadh, nó

— fíonghoirt a saothraíodh; nó

(ii) sna Ballstáit a mbeidh an scéim íocaíochta aonair limistéir á cur i bhfeidhm acu, nach raibh ach talamh talmhaíochta a nach raibh i riocht maith talmhaíochta an 30 Meitheamh 2003 faoi mar a fhoráiltear dó in Airteagal 124(1) de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009;

(b) ar fheirmeoirí a leithdháilfear teidlíochtaí íocaíochta orthu in 2014 ón gcúlchiste náisiúnta faoin scéim íocaíochta aonair de bhun Airteagal 41 nó Airteagal 57 de Rialachán (CE) 73/2009; nó

(c) ar fheirmeoirí nach bhfuair riamh teidlíochtaí íocaíochta a bunaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 nó Rialachán

1782/2003 agus a chuir isteach fianaise infhíoraithe gur tháirg siad, gur thóg nó gur fhás siad, faoin dáta a shocraigh an Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1122/2009 don bhliain éilithe 2013, táirgí talmhaíochta, lena n-áirítear trí bhuint, trí bhleán, trí ainmhithe a phóru, agus trí ainmhithe a choinneáil chun críocha feirmeoireachta. Féadfaidh na Ballstáit a gcuid critéar incháilitheachta oibiachtúil neamh-idirdhealaitheach breise féin a bhunú don chatagóir sin feirmeoirí ó thaobh na scileanna iomchuí, na tairgí iomchuí nó an oideachais iomchuí de.

2. Ach amháin i gcás force majeure nó in imthosca eisceachtúla, beidh líon na dteidlíochtaí íocaíochta a leithdháilfear ar gach feirmeoir in 2015 cothrom le líon na heicteár incháilithe, a dhearbhaigh an feirmeoir ina iarratas ar chabhair i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 72(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 do 2015 agus a bheidh ar fáil dó ar dháta a shocraigh an Ballstát. Ní bheidh an dáta sin níos déanaí ná an dáta a socraíodh sa Bhallstát sin chun na hiarratais sin ar chabhair a leasú.

3. Féadfaidh na Ballstáit ceann amháin nó níos mó de na teorainneacha mar leagtar amach i míreanna 4 go 7 iad a chur i bhfeidhm maidir le líon na dteidlíochtaí íocaíochta atá le leithdháileadh faoi mhír 2:

4. Féadfaidh Ballstát a chinneadh go mbeidh líon na dteidlíochtaí íocaíochta atá le leithdháileadh cothrom le líon na heicteár incháilithe a dhearbhaigh an feirmeoir i gcomhréir le hAirteagal 34(2) de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 in 2013, nó le líon na heicteár incháilithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, cibé líon acu is lú. I gcás na Cróite, beidh feidhm ag an rogha sin gan dochar do leithdháileadhna dteidlíochtaí íocaíochta do na heicteáir dhímhianaithe i gcomhréir le hAirteagal 20(4).

5. I gcás ina mbeidh méadú de bhreis agus 35 % mar thoradh ar an líon de heicteáir incháilithe dá dtagraítear i mír 2 a dearbhaíodh sa Bhallstát le hais líon iomlán na heicteár incháilithe a dearbhaíodh i gcomhréir le hAirteagal 35 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 in 2009, nó i gcás na Cróite in 2013, féadfaidh na Ballstáit líon na dteidlíochtaí íocaíochta atá le leithdháileadh in 2015 a theorannú d'íosmhéid de 135 % nó 145 % den líon iomlán heicteár a dearbhaíodh in 2009, nó i gcás na Cróite líon iomlán na heicteár incháilithe a dearbhaíodh in 2013, i gcomhréir le hAirteagal 35 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009.

Agus úsáid á baint as an rogha sin, leithdháilfidh na Ballstáit líon laghdaithe teidlíochtaí íocaíochta ar fheirmeoirí. Ríomhfar an líon sin trí laghdú comhréireach a chur i bhfeidhm i leith líon breise na heicteár incháilithe a dhearbhaíodh gach feirmeoir in 2015, i gcomparáid le líon na heicteár incháilithe de réir bhrí Airteagal 34(2) de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 a dhearbhaigh an feirmeoir sin ina iarratas ar chabhair in 2011, nó i gcás na Cróite in 2013, gan dochar do na heicteáir dhímhianaithe a bhfuil teidlíochtaí íocaíochta le leithdháileadh ina leith i gcomhréir le hAirteagal 20(4) den Rialachán seo;

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1122/2009 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2009 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle maidir le tras-chomhlíonadh, le modhnú agus leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe, faoi na scéimeanna tacaíochta díri d'fheirmeoirí dá bhforáiltear sa Rialachán sin, mar aon le Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle a chur chun feidhme maidir leis an tras-chomhlíonadh faoin scéim tacaíochta a fhoráiltear d'earnáil an fhíona (IO L 316, 2. 12.2009, lch. 65).

6. Chun líon na dteidlíochtaí íocaíochta atá le leithdháileadh ar fheirmeoir a chinneadh, féadfaidh Ballstát a chinneadh comhéifeacht laghdaithe a chur i bhfeidhm i leith na heicteár incháilithe sin dá dtagraítear i mír 2 ar heicteáir faoi féarthailte buana iad agus iad suite i limistéir a bhfuil dálaí deacra aeráide acu, go háirithe de bharr a airde agus i limistéir ina bhfuil constaicí nádúrtha eile amhail droch-cháilíocht na hithreach, an fhána agus an soláthar uisce;

7 Féadfaidh Ballstáit a chinneadh go mbeidh líon na dteidlíochtaí íocaíochta atá le leithdháileadh ar an bhfeirmeoir cothrom le líon na heicteár incháilithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo nár heicteáir d'fhíonghoirt iad faoin dáta a shocraigh an Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1122/2009 don bhliain éilithe 2013 nó heicteáir de thalamh arúil faoi thithe gloine buana.

8. I gcás ina ndíolfar nó ina ligfear gabháltas nó cuid de ghabháltas ar léas, féadfaidh duine nádúrtha nó duine dlítheanach a chomhlíonann mír 1 den Airteagal seo, trí bhíthin conartha a bheadh sínithe roimh an dáta deiridh chun iarratas a chur isteach in 2015 a bheidh le socrú i gcomhréir le pointe (b) den chéan fhomhír d'Airteagal 78 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, an ceart chun teidlíochtaí íocaíochta a fháil, dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, a aistriú go feirmeoir amháin nó níos mó feirmeoirí, ar choinníoll go gcomhlíonann an feirmeoir nó na feirmeoirí sin na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 9 den Rialachán seo.

9. Féadfaidh Ballstát a chinneadh íosmhéid a shocrú do na gabháltas uile, á chur in iúl i heicteáir incháilithe, dá bhféadfaidh feirmeoir iarratas ar leithdháileadh teidlíochtaí íocaíochta a dhéanamh ina leith. Ní bheidh an t-íosmhéid sin níos mó ná na tairseacha a leagtar síos i bpointe (b) d'Airteagal 10(1) le mír 1a den Airteagal sin.

10. I gcás inarb ábhartha, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na cinntí dá dtagraítear san Airteagal seo faoi 1 Lúnasa 2014.

11. Glacfaidh an Coimisiún rialacha gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos rialacha maidir le hiarratais ar leithdháileadh teidlíochtaí íocaíochta a chuirfear isteach sa bhliain ina leithdháiltear teidlíochtaí íocaíochta i gcás nach mbeidh na teidlíochtaí íocaíochta sin bunaithe go cinntitheach go fóill agus i gcás ina mbeidh tionchar ag imthosca sonracha ar an leithdháileadh sin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 71(2).

Airteagal 25

Luach na dteidlíochtaí íocaíochta agus cóineasú

1. In 2015, ríomhfaidh na Ballstáit luach aonaid na dteidlíochtaí íocaíochta trí chéatadán seasta den uasteorainn náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinn II do gach bliain ábhartha a roinnt ar líon na dteidlíochtaí íocaíochta in 2015 ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach, cé is moite díobh siúd a leithdháilfear ón gcúlchiste náisiúnta nó óna gcúlchistí réigiúnacha in 2015.

Ríomhfar an céatadán seasta dá dtagraítear san fhomhír tríd an uasteorainn náisiúnta nó an uasteorainn réigiúnach don scéim íocaíochta bunúsachata le socrú do 2015, i gcomhréir faoi seach le hAirteagal 22(1) nó le hAirteagal 23(2) den Rialachán seo, tar éis don laghdú líneach dá bhforáiltear i mír 1 nó i gcás inarb iomchuí i mír 2 d'Airteagal 30(1) a bheith curtha i bhfeidhm ar an uasteorainn náisiúnta dá dtagraítear in Iarscríbhinn II do 2015. Cuirfearna teidlíochtaí íocaíochta in iúl trí uimhir a bheidhcomhfhreagrach do líon na heicteár.

2. De mhaolú ar an modh ríomha dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh idirdhealú a dhéanamh idir luach na dteidlíochtaí íocaíochta in 2015, cé is moite díobh siúd a leithdháilfear ón gcúlchiste náisiúnta nó ó na cúlchistí réigiúnach in 2015, i gcás gach bliana ábharthaar bhonn a luach aonaid bhunaidh, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 26.

3. Ón mbliain éilimh 2019 ar a dhéanaí, beidh luach aonaid aonfhoirmeach ar na teidlíochtaí íocaíochta ar fad i mBallstát nó, i gcás ina gcuirfear Airteagal 23 i bhfeidhm, i réigiún.

4. De mhaolú ar mhír 3, féadfaidh Ballstát a chinneadh, i leith teidlíochtaí íocaíochta a bhfuil a luach aonaid bunaidh faoi mar a ríomhadh é i gcomhréir le hAirteagal 26 go (3e) níos ísle ná 90 % den luach aonaid náisiúnta nó réigiúnach in 2019, go n-ardófaí a luach aonaid ar a laghad aon trí den difríocht idir a luach aonaid bunaidh agus 90 % den luach aonaid náisiúnta nó réigiúnach in 2019, don bhliain éilithe 2019 ar a dhéanaí.

Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an céatadán dá dtagraítear sa chéad fhomhír a shocrú ar leibhéal níos airde ná 90 % ach gan é a bheith níos airde ná 100 %.

Chomh maith leis sin, foráilfaidh na Ballstáit, don bhliain éilithe 2019 ar a dhéanaí, nach mbeidh luach aonaid níos lú ná 60 % den luach aonaid náisiúnta nó den luach aonaid réigiúnach ag aon teidlíocht íocaíochta in 2019, ach amháin más é an toradh a bheadh air sin go mbeadh uaslaghdú ar mó é ná an céatadán tairisí dá dtagraítear i mír 7 sna Ballstáit a mbeidh an tairseach sin á chur i bhfeidhm acu. Sa chás sin, socrófar an luach aonaid bunaidh ar an leibhéal is gá chun an tairseach sin a urramú.

5. An luach aonaid náisiúnta nó réigiúnach in 2019 dá dtagraítear sa i mír 4, ríomhfar é trí chéatadán seasta den uasteorainn náisiúnta mar a leagtar amach san Iarscríbhinn II, nó den uasteorainn réigiúnach, don bhliain féilire 2019, a roinnt ar líon na dteidlíochtaí íocaíochta in 2015 sa Bhallstát nó sa réigiún lena mbaineann, cé is moite díobh siúd a leithdháilfear ón gcúlchiste náisiúnta nó óna gcúlchistí réigiúnacha in 2015. Ríomhfar an céatadán seasta sin tríd an uasteorainn náisiúnta nó réigiúnda do scéim na híocaíochtaí bunúsá a bheidh le socrú i gcomhréir le hAirteagal 22(1) nó le hAirteagal 23(2) faoi seach den Rialachán seo don bhliain 2015, tar éis don laghdú líneach dá bhforáiltear i mír 1 nó, i gcás inarb infheidhme, i mír 2 d'Airteagal 30, a bheith curtha i bhfeidhm leis an uasteorainn náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinn II, nó leis an uasteorainn réigiúnach, do 2015.

6. Ríomhfar na huasteorainneacha réigiúnacha dá dtagraítear i mír 5 sin trí chéatadán seasta a chur i bhfeidhm maidir leis an uasteorainn náisiúnta mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II í don bhliain 2019. Ríomhfar an céatadán seasta sin trí na huasteorainneacha réigiúnacha ábhartha a bunaíodh i gcomhréir le Airteagal 23(2) don bhliain 2015, a roinnt ar an uasteorainn náisiúnta atá le socrú i gcomhréir le hAirteagal 22(1) don bhliain 2015 tar éis don laghdú líneach dá bhforáiltear in Airteagal 30(1) a bheith curtha i bhfeidhm, i gcás ina mbíonn feidhm ag an dara fomhír d'Airteagal 23(2).

7. Chun na méaduithe i luach na dteidlíochtaí íocaíochta dá dtagraítear i mír 4 a mhaoiniú, laghdófar, i gcás na dteidlíochtaí íocaíochta a bhfuil luach aonaid bunaidh acu ar mó é ná an luach aonaid náisiúnta nó réigiúnach in 2019, an difríocht sin idir a luach aonaid bunaidh agus an luach aonaid náisiúnta nó réigiúnach in 2019 ar bhonn critéar oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach, a bheidh le cinneadh ag na Ballstáit. D'fhéadfadh sé go socrófaí nach laghdófaí an luach aonaid bunaidh níos mó ná 30 % mar chuid de na critéir sin.

8. Agus mír 2 den Airteagal seo á chur i bhfeidhm, déanfar an t-athrú ó luach aonaid bunaidh na dteidlíochtaí íocaíochta mar a ríomhadh iad i gcomhréir le hAirteagal 26a agus a luach aonaid deiridh in 2019 mar a bunaíodh i gcomhréir le mír 3 go mír 4 go 7 den Airteagal seo i gcéimeanna comh-mhéid ag tosú ó 2015.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfar an céatadán seasta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo le haghaidh gach bliain, déanfar luach na dteidlíochtaí íocaíochta lena ngabhann luach aonaid bunaidh atá níos mó ná an luach aonaid náisiúnta nó an luach aonaid réigiúnach in 2019 a choigeartú.

9. De mhaolú ar mhír 8 den Airteagal seo, i gcás go gcuireann Ballstáit, a chinneann i gcomhréir le hAirteagal 21(3) na teidlíochtaí. atá acu cheana, mír 2 den Airteagal seo i bhfeidhm, más infheidhme déanfar an t-athrú ó luach aonaid bunaidh na dteidlíochtaí íocaíochta mar a bunaíodh iad i gcomhréir le hAirteagal 26(5) agus a luach aonaid deiridh in 2019 mar a bunaíodh i gcomhréir le mír 3 nó le míreanna 4 go 7 den Airteagal seo i gcéimeanna a socraíodh ar an leibhéal náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 63(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 a chur i bhfeidhm.

D'fhonn comhlíonadh an cheatadán seasta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo do gach bliain a áirithiú, déanfar luach na dteidlíochtaí íocaíochta a choigeartú go líneach.

10. In 2015, cuirfidh na Ballstáit na feirmeoirí ar an eolas maidir le luach a gcuid teidlíochtaí íocaíochta mar a ríomhadh iad i gcomhréir leis an Airteagal seo, Airteagal 26 agus Airteagal 27 do gach bliain den tréimhse a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

Airteagal 26

An luach aonaid bunaidh a ríomh

1. Socrófar luach aonaid bunaidh na dteidlíochtaí íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 25(2) i mBallstáit a chuireann an an

scéim íocaíochta aonair a chur i bhfeidhm don bhliain féilire 2014 agus nár chinn na teidlíochtaí íocaíochta atá acu cheana a choimeád i gcomhréir le hAirteagal 21(3) i gcomhréir le ceann amháin de na modhanna a leagtar amach i mír 2 nó 3.

2. Déanfar céatadán seasta de na híocaíochtaí a fuair an feirmeoir do 2014 faoin scéim íocaíochta aonair, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, sula ndéanfar na laghduithe ná na heisiaimh dá bhforáiltear i gCaibidil 4 de Theideal II den Rialachán sin, a roinnt ar líon theidlíochtaí íocaíochta an fheirmeora in 2015, cé is moite díobh siúd a leithdháiltear ón gcúlchiste náisiúnta nó óna gcúlchistí réigiúnacha in 2015.

Ríomhfar an céatadán seasta sin tríd an uasteorainn náisiúnta nó réigiúnda do scéim na híocaíochtaí bunúsaí a bheidh le socrú i gcomhréir le hAirteagal 22(1) nó le hAirteagal 23(2) faoi seach den Rialachán seo don bhliain 2015, tar éis don laghdú líneach dá bhforáiltear i mír 1 nó, i gcás inarb infheidhme, i mír 2 d'Airteagal 30 den Rialachán seo, a bheith curtha i bhfeidhm, a roinnt ar líon na n-íocaíochtaí do 2014 faoin scéim íocaíochta aonair sa Bhallstát nó sa Réigiún lena mbaineann, roimh na laghduithe agus eisiaimh dá bhforáiltear i gCaibidil 4 de Theideal II de Rialachán (AE) Uimh. 73/2009.

3. Déanfar céatadán seasta de luach na dteidlíochtaí, lena n-áirítear teidlíochtaí speisialta, a bhí i seilbh an fheirmeora ar an dáta a chuir sé a iarratas isteach do 2014 faoin scéim íocaíochta aonair, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, a roinnt ar líon theidlíochtaí íocaíochta a leithdháiltear ar an bhfeirmeoir in 2015, cé is moite díobh siúd a leithdháileadh ón gcúlchiste náisiúnta nó ón gcúlchiste réigiúnach in 2015.

Ríomhfar an céatadán seasta sin tríd an uasteorainn náisiúnta nó réigiúnda don scéim na híocaíochta bunúsaí a bheidh le socrú i gcomhréir le hAirteagal 22(1) nó le hAirteagal 23(2) faoi seach den Rialachán seo don bhliain 2015, tar éis don laghdú líneach dá bhforáiltear i mír 1 nó, i gcás inarb infheidhme, i mír 2 d'Airteagal 30 den Rialachán seo, a bheith curtha i bhfeidhm, a roinnt ar luach iomlán na dteidlíochtaí ar fad, lena n-áirítear teidlíochtaí speisialta, sa Bhallstát nó sa Réigiún lena mbaineann do 2014, faoin scéim íocaíochta aonair.

Chun críche na míre seo, measfar teidlíochtaí íocaíochta a bheith i seilbh feirmeora ar an dáta a chuirfidh sé isteach a iarratas do 2014 i gcás inar leithdháileadh teidlíochtaí íocaíochta air nó inar aistríodh go deifnídeach faoin dáta sin chuige iad.

4. Déanfaidh Ballstáit, a chuireann an scéim íocaíochta aonair limistéir i bhfeidhm sa bhliain feilire 2014, an luach aonair bunaidh na dteidlíochtaí íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 22(2) den Rialachán seo a ríomh trí chéatadán seasta de luach na cabhrach a fuair an feirmeoir do 2014 faoin scéim íocaíochta aonair, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 agus faoi Airteagal 132, agus Airteagal 133a den Rialachán sin, sula ndéanfar na laghduithe ná na heisiaimh dá bhforáiltear i gCaibidil 4 de Theideal II den Rialachán sin, a roinnt ar líon theidlíochtaí íocaíochta an fheirmeora in 2015, cé is moite díobh siúd a leithdháiltear ón gcúlchiste náisiúnta nó óna gcúlchistí réigiúnacha in 2015.

Ríomhfar an céatadán seasta sin tríd an uasteorainn náisiúnta nó réigiúnach don scéim na híocaíochta bunúsaí a bheidh le socrú i gcomhréir le hAirteagal 22(1) nó le hAirteagal 23(2) faoi seach den Rialachán seo don bhliain 2015, tar éis don laghdú líneach dá bhforáiltear i mír 1 nó, i gcás inarb infheidhme, i mír 2 d'Airteagal 30 den Rialachán seo, a bheith curtha i bhfeidhm, a roinnt ar líon iomlán na cabhrach a deonaíodh faoin scéim íocaíochta aonair limistéir i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 73/2009 agus faoi Airteagal 132 agus faoi Airteagal 133a den Rialachán sin do 2014 sa Bhallstát nó sa réigiún lena mbaineann, roimh na lagduithe agus eisiaimh dá bhforáiltear i gCaibidil 4 de Theideal II den Rialachán sin.

5. Na Ballstáit sin a chuireann an scéim íocaíochta bunaidh i bhfeidhm i sa bhliain feilire 2014 gcomhréir le hAirteagal 2111(3) den Rialachán seo, a gcuid teidlíochtaí íocaíochta reatha a choinneáil, ríomhfaidh siad luach aonaid bunaidh na dteidlíochta íocaíochta dá dagraítear in Airteagal 25(2) den Rialachán seo trí luach aonaid na dteidlíochtaí a iolrú faoi chéatadán seasta. Ríomhfar an céatadán seasta sin tríd an uasteorainn náisiúnta nó réigiúnda do scéim na híocaíochtaí bunúsaí a bheidh le socrú i gcomhréir le hAirteagal 22(1) nó le hAirteagal 23(2) faoi seach den Rialachán seo don bhliain 2015, tar éis don laghdú líneach dá bhforáiltear i mír 1 nó, i gcás inarb infheidhme, i mír 2 d'Airteagal 30 den Rialachán seo, a bheith curtha i bhfeidhm, a roinnt ar líon na n-íocaíochtaí do 2014 faoin scéim íocaíochta aonair sa Bhallstát nó sa limistéir lena mbaineann, roimh na lagduithe agus eisiaimh dá bhforáiltear i gCaibidil 4 de Theideal II de (AE) Uimh. 73/2009.

6. Chun críocha modhanna dá bhforáiltear san Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit, ar choinníoll nach bhfuair na hearnálacha ábhartha lena mbaineann aon tacaíocht chúpláilte dheonach de bhun Teideal IV den Rialachán seo, an tacaíocht a deonaíodh don bhliain féilire 2014 faoi cheann amháin nó níos mó de na scéimeanna de bhun Airteagal 52, Airteagal 53(1), agus phointe (a) agus phointe (b) d'Airteagal 68(1) de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 a chur san áireamh freisin, agus, maidir leis na Ballstáit a chuir an scéim íocaíochta aonair limistéir i bhfeidhm agus dóibh siúd amháin, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, de bhun phointe (c) d'Airteagal 68(1) agus Airteagal 126, Airteagal 127 agus Airteagal 129 den Rialachán sin.

Má chinn Ballstát an tacaíocht chúpláilte dheonach de bhun Teideal IV den Rialachán sin, a chur i bhfeidhm, féadfaidh sé freisin na difríochtaí idir an leibhéal tacaíochta a tugadh sa bhliain féilire 2014 agus an leibhéal tacaíochta atá le tabhairt i gcomhréir le Teideal IV den Rialachán seo a chur san áireamh agus do na modhanna ríomha dá bhforáiltear san Airteagal seo, ar an gcoinníoll:

(a) gur deonaíodh an tacaíocht chúpláilte dheonach de bhun Teideal IV den Rialachán seo i leith earnála ar tugadh tacaíocht di sa bhliain féilire 2014 de bhun Airteagal 52, Airteagal 53(1), phointe (a) agus phointe (b) d'Airteagal 68, agus, do Bhallstáit a chuir an scéim íocaíochta aonair limistéir i bhfeidhm, de bhun phointe (c) d'Airteagal 68(1), Airteagal 126, Airteagal 127 agus Airteagal 129 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, agus

(b) go bhfuil méid na tacaíochta cúpláilte sin níos lú ná an méid in aghaidh an aonaid sa tacaíocht in 2014.

Airteagal 27

An cúlchiste náisiúnta speisialta leis an talamh a ghlanadh de mhianaigh talún a chur san áireamh

I gcás na Cróite, tuigfear go n-áirítear an cúlchiste náisiúnta speisialta leis an talamh a ghlanadh de mhianaigh talún dá dtagraítear in Airteagal 20 ar aon tagairt a dhéanfar in Airteagal 25 agus in Airteagal 26 don chúlchiste náisiúnta.

Chomh maith leis sin, déanfar an méid a thagann as an gcúlchiste náisiúnta speisialta leis an talamh a ghlanadh de mhianaigh a laghdú ó uasteorainneacha scéim na híocaíochta bunúsaí dá dtagraítear sa dara fómhír d'Airteagal 25(1), i mír 5 agus i mír 6 den Airteagal sin agus in Airteagal 26.

Airteagal 28

Brábús amhantair

Chun críocha Airteagal 25(4) go (5) agus Airteagal 26, i gcás ina ndéanfar léas ar limistéir talmhaíochta nó cuid de léas a dhíol nó a dheonú nó i gcás ina rachaidh an léas nó cuid de in éag tar éis an dáta a socraíodh de bhun Airteagal 35 nó Airteagal 124(2) de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 agus roimh an dáta a socraíodh de bhun Airteagal 33(1) den Rialachán seo, féadfaidh Ballstát, ar bhonn critéir oibiachtúil, a fhoráil go rachaidh an méadú, nó cuid den mhéadú, ar luach na dteidlíochtaí íocaíochta a leithdháilfí ar an bhfeirmeoir lena mbaineann ar ais isteach sa chúlchiste náisiúnta nó sna cúlchistí réigiúnacha i gcás inar brábús amhantair a bheadh sa mhéadú sin don fheirmeoir lena mbaineann.

Leagfar síos na critéir oibiachtúla sin ar bhealach a áiríteoidh go gcaithfear go cothrom le feirmeoirí éagsúla agus go seachnófar saobhadh ar an margadh agus ar an iomaíocht, agus áireofar leis na critéir sin an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) íostréimhse don léas;

(b) an cion den íocaíocht a gheofar a rachaidh ar ais sa chúlchiste náisiúnta nó sna cúlchistí réigiúnacha.

Airteagal 29

Fógraí i leith luach na dteidlíochtaí íocaíochta agus i leith coineasaithe

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin 1 Lúnasa 2014 faoi aon chinntí dá dtagraítear in Airteagal 25, in Airteagal 26 agus in Airteagal 28.

Roinn 2

An cúlchiste náisiúnta agus cúlchistí réigiúnacha

Airteagal 30

An cúlchiste náisiúnta nó na cúlchistí réigiúnacha a bhunú agus a úsáid

1. Bunóidh gach Ballstát cúlchiste náisiúnta. Chun sin a dhéanamh, déanfaidh na Ballstáit, sa chéad bhliain a chuirfear scéim na híocaíochta bunúsaí chun feidhme, laghdú líneach ar chéatadán uasteorainn scéim na híocaíochta bunúsaí ar an leibhéal náisiúnta.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na Ballstáit a mbeidh an rogha in Airteagal 23(1) á úsáid acu, cúlchistí réigiúnacha a chur ar bun. Chun sin a dhéanamh, sa chéad bhliain a chuirfear scéim na hÍocaíochta bunúsaí i bhfeidhm, déanfaidh na Ballstáit, sa chéad bhliain a chuirfear scéim na hÍocaíochta bunúsaí chun feidhme, laghdú líneach ar chéatadán uasteorainn scéim na hÍocaíochta bunúsaí ábhartha ar an leibhéal réigiúnach dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 23(2)

3. Ní mó ná 3 % a bheidh an laghdú dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 ach amháin, má tá gá le céatadán níos mó, chun aon riachtanais leithdháilte de bhun mhír 6 agus nó de bhun pointe (a) agus (b) de mhír 7 a chumhdach don bhliain 2015 nó, do Bhallstáit a mbeidh Airteagal 36 á chur i bhfeidhm acu, do chéad bhliain chur chun feidhme na scéime don íocaíocht bhunúsach.

4. Leithdháilfidh na Ballstáit teidlíochtaí íocaíochta óna gcúlchistí náisiúnta nó óna gcúlchistí réigiúnacha i gcomhréir le critéir oibiachtúla agus ar bhealach ina n-áirítear go gcaithfear go cothrom le feirmeoirí éagsúla agus go seachnófar saobhadh ar an margadh agus ar an íomaíocht.

5. Na teidlíochtaí íocaíochta dá dtagraítear i mír 4, ní leithdháilfear iad ach ar fheirmeoirí a bheidh i dteideal íocaíochtaí díreacha i gcomhréir le hAirteagal 9.

6. Bainfidh na Ballstáit úsáid as a gcúlchistí náisiúnta nó as a gcúlchistí réigiúnacha chun teidlíochtaí íocaíochta a leithdháilfidh ar fheirmeoirí óga agus ar fheirmeoirí a bheidh ag dul i mbun gníomhaíochta talmhaíochta den chéad uair, agus beidh sé sin ina thosaíocht acu.

7. Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as a gcúlchistí náisiúnta nó as a gcúlchistí réigiúnacha leis an méid a leanas a dhéanamh:

(a) teidlíochtaí íocaíochta a leithdháilfidh ar fheirmeoirí chun cosc a chur ar thalamh a bheith á thréigean, lena n-áirítear i limistéir atá faoi réir athstruchtúru nó clár forbartha a bhaineann le cineál idirghabhála poiblí;

(b) teidlíochtaí íocaíochta a leithdháilfidh ar fheirmeoirí chun iad a chúiteamh as míbhuntáistí sonracha

(c) chun teidlíochtaí íocaíochta a leithdháilfidh ar fheirmeoirí nach rabhthas in ann teidlíochtaí íocaíochta a leithdháilfidh orthu faoin gCaibidil seo de bharr force majeure nó imthosca eisceachtúla;

(d) i gcás ina bhfuil Airteagal 21(3) den Rialachán seo á chur i bhfeidhm acu, teidlíochtaí íocaíochta a leithdháilfidh ar fheirmeoirí ar airde an líon heicteár incháilithe a dhearbhaigh siad in 2015 i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 72(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus atá fós ar fáil dóibh ar dháta a shocraigh an Ballstát agus nach déanaí é ná an dáta a socraíodh sa Bhallstát sin le haghaidh leasú a dhéanamh ar iarratais dá leithéid ar chabhair, ná líon na dteidlíochtaí íocaíochta ar leo iad nó atá acu ar léas a bunaíodh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 agus le Rialachán (CE)

Uimh. 73/2009 agus atá ina seilbh acu ar an dáta deiridh chun iarratas a chur isteach atá le socrú i gcomhréir le pointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 78 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013;

(e) luach na dteidlíochtaí íocaíochta uile a mhéadú go líneach ar bhonn buan faoi scéim na hÍocaíochta bunúsaí ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach más mó an cúlchiste náisiúnta nó na cúlchistí réigiúnacha ábhartha ná 0,5 % den uasteorainn bhliantúil náisiúnta nó réigiúnach do scéim na hÍocaíochta bunúsaí, ar choinníoll go bhfuil méideanna leordhóthanacha ar fáil do leithdháiltí faoi mhír 4, faoi phointe (a) den mhír seo agus faoi mhír 7 den Airteagal seo;

(f) chun na riachtanais bhliantúla le haghaidh íocaíochtaí a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 51(2) agus Airteagal 65(1), (2) agus (3) den Rialachán seo).

Chun críocha na míre seo, cinnfidh na Ballstáit maidir leis na tosaíochtaí a thabharfar do na húsáidí dá dtagraítear inti.

8. Agus mír 6, agus pointe (a), pointe (b) agus pointe (d) de mhír 7 á gcur i bhfeidhm, is ag meánluach náisiúnta nó réigiúnach na dteidlíochtaí íocaíochta i mbliain an leithdháilte a shocróidh na Ballstáit luach na dteidlíochtaí íocaíochta a leithdháilfidh ar fheirmeoirí.

Ríomhfar an meán luach náisiúnta nó réigiúnach tríd an uasteorainn náisiúnta nó réigiúnach do scéim na hÍocaíochta bunúsaí i gcomhréir le hAirteagal 22(1) nó le hAirteagal 23(2) faoi seach do bhliain an leithdháilte, lúide méid an cúlchiste náisiúnta nó na gcúlchistí réigiúnacha agus i gcás na Cróite, an cúlchiste speisialta leis an talamh a ghlanadh de mhianaigh talún, a roinnt ar líon na dteidlíochtaí íocaíochta a leithdháilfidh.

Socróidh na Ballstáit na céimeanna le haghaidh na modhnuithe bliantúla de réir a chéile i luach na dteidlíochtaí íocaíochta a leithdháilfidh ón gcúlchiste náisiúnta nó óna gcúlchistí réigiúnacha agus ag cur san áireamh na modhnuithe sna huasteorainneacha náisiúnta agus réigiúnacha do scéim na hÍocaíochta bunúsaí atá le socrú i gcomhréir le hAirteagal 22(1) agus le hAirteagal 23(2) a thagann ó na hathruithe i leibhéal na n-uasteorainneacha náisiúnta a a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

9. I gcás ina mbeidh feirmeoir i dteideal teidlíochtaí íocaíochta a fháil nó luach na dteidlíochtaí íocaíochta atá ann cheana a mhéadú de bhua rialaithe cinntithigh cúirte nó de bhua gnímh chinntithigh riaracháin a dhéanfaidh údarás inniúil de chuid Ballstáit, gheobhaidh an feirmeoir líon agus luach na dteidlíochtaí íocaíochta a bhunófar sa rialú nó sa ghníomh sin ar dháta a bheidh le socrú ag an mBallstát. Ní bheidh an dáta sin níos déanaí, áfach, ná an dáta is déanaí le haghaidh iarratas a chur isteach faoi scéim na hÍocaíochta bunúsaí tar éis dháta rialú na cúirte nó an ghnímh riaracháin, agus cur i bhfeidhm Airteagal 32 agus Airteagal 33 á chur san áireamh.

10. Agus mír 6, pointe (a) agus pointe (b) de mhír 7 agus mír 9 á gcur chun feidhme, féadfaidh na Ballstáit teidlíochtaí nua a leithdháileadh nó luach aonaid theidlíochtaí reatha uile feirmeora a mhéadú, suas chuig an meánluach náisiúnta nó réigiúnach.

11. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (a) ciallaíonn 'feirmeoirí óga' feirmeoirí a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 50(2) agus, i gcás inarb ábhartha, na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 50(3) agus (11);
- (b) ciallaíonn 'feirmeoirí atá ag dul i mbun gníomhaíochta talmhaíochta den chéad uair' duine nádúrtha nó dlítheanach nach raibh aon ghníomhaíocht talmhaíochta aige ina ainm féin nó faoina riosca féin nó nach raibh faoina rialú duine dlítheanach a bhí i mbun gníomhaíochta talmhaíochta sna cúig bliana roimh thús na gníomhaíochta talmhaíochta. I gcás duine dhlítheanaigh, ní foláir nach raibh aon ghníomhaíocht talmhaíochta ina ainm féin ná faoina riosca féin ag an duine/na daoine nádúrtha a bhfuil an duine dlítheanach faoina rialú ná ní foláir nach raibh faoina rialú duine dlítheanach a bhí i mbun gníomhaíochta talmhaíochta sna cúig bliana sular chuir an duine dlítheanach sin tús leis an ngníomhaíocht talmhaíochta. Féadfaidh na Ballstáit a gcuid critéar incháilitheachta oibiachtúil neamh-idirdhealaitheach féin sa bhreis don chatagóir fheirmeoirí seo a bhunú ó thaobh na scileanna, na taithí nó an oideachais iomchuí de.

Airteagal 31

An cúlchiste náisiúnta nó na cúlchistí réigiúnacha a athsholáthar

1. Déanfar an cúlchiste náisiúnta nó na cúlchistí réigiúnacha a athsholáthar le méideanna a fhaightear ó na foinsí a leanas:

- (a) teidlíochtaí íocaíochta nach dtugann ceart d'íocaíochtaí ar feadh dhá bhliain i ndiaidh a chéile de bharr na nithe seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(i) Airteagal 9,

(ii) Airteagal 10(1),

(iii) Airteagal 11(4) den Rialachán seo.

- (b) líon teidlíochtaí íocaíochta atá coibhéiseach le líon iomlán na dteidlíochtaí íocaíochta nár ghníomhachtaigh feirmeoirí i gcomhréir le hAirteagal 32 ar feadh dhá bhliain as a chéile, ach amháin i gcás gur coisceadh orthu na teidlíochtaí sin a ghníomhachtú ag force majeure nó in imthosca eisceachtúla; agus na teidlíochtaí, ar leis an bhfeirmeoir iad nó atá ar léas aige, atá i seilbh an fheirmeora sin agus a rachaidh ar ais sa chúlchiste náisiúnta nó sna cúlchistí réigiúnacha á suíomh, tabharfar tosaíocht do na teidlíochtaí sin a bhfuil an luach is ísle acu;

- (c) teidlíochtaí íocaíochta a aisíocann feirmeoirí go deonach;

- (d) cur i bhfeidhm Airteagal 28 den Rialachán seo;

- (e) teidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh gan údar i gcomhréir le hAirteagal 63 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013;

- (f) laghdú líneach ar luach na dteidlíochtaí íocaíochta faoi scéim na híocaíochta bunúsaí ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach i gcás nach leor an cúlchiste náisiúnta nó na cúlchistí réigiúnacha chun na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 30(9) den Rialachán seo a chumhdach.

- (g) laghdú líneach ar luach na dteidlíochtaí íocaíochta faoi scéim na híocaíochta bunúsaí ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach chun na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 30(6) den Rialachán seo a chumhdach, le déanamh ag ná Ballstáit i gcás go measann siad go bhfuil gá leis;

- (h) cur i bhfeidhm Airteagal 34(4) den Rialachán seo.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos na bearta is gá maidir le teidlíochtaí íocaíochta neamhghníomhachtaí a aisíoc leis an gcúlchiste náisiúnta nó leis na cúlchistí réigiúnacha. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 71(2).

Roinn 3

Scéim na híocaíochta bunúsaí a bhunú

Airteagal 32

Teidlíochtaí íocaíochta a ghníomhachtú

1. Deonófar tacaíocht faoi scéim na híocaíochta bunúsaí d'fheirmeoirí, trí bhíthin dearbhú i gcomhréir le hAirteagal 33(1), nuair a ghníomhachtófar teidlíocht íocaíochta in aghaidh an heicteáir incháilithe sa Bhallstát inar leithdháileadh í. Le teidlíochtaí íocaíochta gníomhachtaí, tabharfar an ceart íocaíocht bhliantúil na méideanna a shocrófar iontu a fháil, gan dochar do chur i bhfeidhm an smachta airgeadais, an laghdú ar íocaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 11 agus ar na laghduithe líneacha i gcomhréir le hAirteagal 7, le hAirteagal 51(2) agus le pointe (c) d'Airteagal 65(2) den Rialachán seo ná do chur i bhfeidhm Airteagal 63 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

2. Chun críocha an Teidil seo, ciallaíonn "heicteár incháilithe":

- (a) aon limistéar talmhaíochta den ghabháltas a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochta talmhaíochta nó, i gcás ina bhfuil an limistéar in úsáid freisin le haghaidh gníomhaíochtaí nach gníomhaíochtaí talmhaíochta iad, aon limistéar a úsáidtear go príomha le haghaidh gníomhaíochtaí talmhaíochta, lena n-áirítear na limistéir nach raibh riocht maith talmhaíochta orthu an 30 Meitheamh 2003 i mBallstáit a d'aontaigh don Aontas an 1 Bealtaine 2004 agus a roghnaigh an scéim íocaíochta aonair limistéir a chur i bhfeidhm tar éis aontachas a bhaint amach, nó

(b) aon limistéar as ar tháinig ceart chuníocaíochtaí a fháil ina leith in 2008 faoin scéim íocaíochta aonair nó faoin scéim íocaíochta aonair limistéir a leagtar síos, faoi seach, i dTeideal III agus i dTeideal IVA de Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003, agus:

- (i) ar limistéar é nach gcomhlíonann a thuilleadh an sainmhíniú ar 'heicteár incháilithe' faoi phointe (a) mar thoradh ar chur chun feidhme Threoir 92/43/CEE, Threoir 2000/60/CE agus Threoir 2009/147/CE;
 - (ii) ar limistéar é, fad a mhaireann gealltanais ábhartha an fheirmeora aonair, atá coillithe de bhun Airteagal 31 de Rialachán (CE) Uimh. 1257/1999 nó Airteagal 43 de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 nó Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 nó faoi scéim náisiúnta lena gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 43(1), (2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 nó Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013; nó
 - (iii) ar limistéar é, fad a mhaireann gealltanais ábhartha an fheirmeora aonair, a chuirtear ar leataobh de bhun Airteagal 22, Airteagal 23 agus Airteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1257/1999, Airteagal 39 de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 nó Airteagal 28 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013
3. Chun críocha pointe (a) de mhír 2:
- (a) i gcás ina n-úsáidtear limistéar talmhaíochta de ghabháltas le haghaidh gníomhaíochtaí nach gníomhaíochtaí talmhaíochta iad freisin, measfar go n-úsáidtear an limistéar sin go príomha do ghníomhaíochtaí talmhaíochta mura gcuireann déine, cineál, fad agus uainiú na ngníomhaíochtaí nach gníomhaíochtaí talmhaíochta iad isteach go mór ar fheidhmiú na ngníomhaíochtaí talmhaíochta sin;
 - (b) Féadfaidh na Ballstáit liosta a dhréactú de na limistéir a úsáidtear go príomha do ghníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta.

Bunóidh na Ballstáit critéir maidir le cur chun feidhme na míre seo ar a gcríoch féin.

4. Ní mheasfar limistéir bheith ina heicteáir incháilithe ach amháin má chomhlíonann siad an sainmhíniú ar heicteáir incháilithe ar feadh na bliana féilire, ach amháin i gcás force majeure nó in imthosca eisceachtúla.

5. Chun críocha an "heicteár incháilithe" a chinneadh, féadfaidh na Ballstáit tar éis dóibh an cinneadh dá dtagraítear sa dara fómhír d'Airteagal 4(2) a dhéanamh (comhéifeacht don laghdú a chur i bhfeidhm chun na heicteáir lena mbaineann a athrú go 'heicteáir incháilithe'.

6. Ní bheidh na heicteáir i limistéir a úsáidtear chun cnáib a tháirgeadh incháilithe ach amháin má tá cion theitrihidreacannaibionóil nach mó ná 0.2 % iontu.

Airteagal 33

Na heicteáir incháilithe a dhearbhu

1. Chun na teidlíochtaí íocaíochta a ghníomhachtú faoi mar a fhoráiltear dó in Airteagal 32 (1), dearbhóidh an feirmeoir na dáileachtaí a fhreagróidh do na heicteáir incháilithe a ghabhfaidh le gach teidlíocht íocaíochta. Ach amháin i gcás force majeure nó in imthosca eisceachtúla, ní fhéadfar ná dáileachtaí sin a dhearbhu ach amháin má tá siad ar fáil don fheirmeoir ar dháta a shocróidh an Ballstát, ar dáta é nach déanaí ná an dáta a shocrófar sa Bhallstát sin chun leasú a dhéanamh ar an iarratas ar chabhair dá dtagraítear in Airteagal 72(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

2. Féadfaidh na Ballstáit, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, an feirmeoir a údarú chun a dhearbhu a mhodhnú ar an gcoinníoll go gcoinneoidh sé ar a laghad an méid heicteár a fhreagraíonn dá theidlíochtaí íocaíochta agus go n-urramóidh sé na coinníollacha chun an íocaíocht a dheonú faoi scéim na híocaíochta bunúsaí don limistéar lena mbaineann.

Airteagal 34

Teidlíochtaí íocaíochta a aistriú

1. Ní fhéadfar teidlíochtaí íocaíochta a aistriú ach chuig feirmeoir a mbeidh teideal aige ar íocaíochtaí díreacha i gcomhréir le hAirteagal 9 agus a bheidh lonnaithe in aon Bhallstát amháin,

Ní fhéadfar teidlíochtaí íocaíochta, lena n-áirítear i gcás oidhreachta iarbhir nó oidhreachta ionchais, a ghníomhachtú ach amháin sa Bhallstát inar leithdháileadh iad.

2. I gcás ina n-úsáideann na Ballstáit an rogha in Airteagal 23(1), ní fhéadfar teidlíochtaí íocaíochta a aistriú nó a ghníomhachtú ach amháin sa réigiún céanna, seachas i gcás oidhreachta iarbhir nó oidhreachta ionchais.

Ní fhéadfar teidlíochtaí íocaíochta, lena n-áirítear i gcás oidhreachta iarbhir nó oidhreachta ionchais, a ghníomhachtú ach amháin sa Bhallstát inar leithdháileadh iad

3. Na Ballstáit nach mbeidh an rogha in Airteagal 23(1) á úsáid acu, féadfaidh siad a chinneadh nach bhféadfar teidlíochtaí íocaíochta a aistriú nó a ghníomhachtú ach amháin sa réigiún céanna amháin, cé is moite de chás oidhreachta iarbhir nó oidhreachta ionchais.

Saineofar na réigiúin sin ar an leibhéal iomchuí críochach i gcomhréir le critéir oibiachtúla agus ar bhealach a áiríteoidh go gcaithfear go cothrom le gach feirmeoir agus go seachnófar saobhadh ar an margadh agus ar an iomaíocht.

4. I gcás ina n-aistreofar teidlíochtaí íocaíochta gan talamh, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, i gcomhréir le prionsabail ghinearálta reachtaíocht an Aontais, go rachaidh cuid de na teidlíochtaí íocaíochta sin a aistriódh ar ais chuig an gcúlchiste náisiúnta nó chuig na cúlchistí réigiúnacha nó go laghdófar a luach aonaid i bhfabhar an chúlchiste náisiúnta nó na gcúlchistí réigiúnacha. Féadfar an laghdú sin a chur i bhfeidhm maidir le ceann amháin nó níos mó de chineálacha aistrithe.

5. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena rialófar na rialacha mionsonraithe a bhaineann le fógra faoi aistriú na dteidlíochtaí íocaíochta a chaithfidh feirmeoirí a dhéanamh chuig na húdaráis náisiúnta agus na spriocdhátaí don fhógra sin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 71(2).

Airteagal 35

Cumhachtaí tarmligthe

1. Chun an deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus chun soiléiriú a dhéanamh ar na cásanna sonracha a fhéadfaidh teacht chun cinn agus scéim na híocaíochta bunúsaí á cur i bhfeidhm, cumhachtófar an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 maidir leis an méid a leanas:

- (a) rialacha maidir le hincháilitheacht agus leis an rochtain, i ndáil le scéim na híocaíochta bunúsaí, d'fheirmeoirí i gcás oidhreacht agus oidhreacht ionchais, i gcás oidhreacht faoi léas, i gcás athrú ar stádas nó ar ainmniúchán dlíthiúil, i gcás aistriú teidlíochtaí íocaíochta agus i gcás chumasc nó scoilteadh an ghabháiltais agus cur i bhfeidhm an clásal conartha dá dtagraítear in Airteagal 24(8);
- (b) rialacha maidir le luach agus líon a ríomh nó maidir leis an méadú nó an laghdú ar luach na dteidlíochtaí íocaíochta i ndáil le teidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh faoi aon fhoráil den Teideal seo, lena n-áirítear na rialacha seo a leanas:
 - (i) rialacha maidir leis an bhféidearthacht luach sealadach nó líon sealadach teidlíochtaí íocaíochta a bheith ann nó méadú sealadach ar theidlíochtaí íocaíochta a leithdháilfeadh ar bhonn an iarratais ón bhfeirmeoir,
 - (ii) rialacha maidir leis na coinníollacha chun luach sealadach agus luach cinntitheach agus líon sealadach agus líon cinntitheach na dteidlíochtaí íocaíochta a bhunú,
 - (iii) rialacha maidir leis na cásanna ina bhféadfaidh conradh díolacháin nó léasa difear a dhéanamh do leithdháileadh na dteidlíochtaí íocaíochta;
- (c) rialacha maidir le bunú agus ríomh luach agus líon na dteidlíochtaí íocaíochta a gheofar ón gcúlchiste náisiúnta nó óna gcúlchistí réigiúnacha;
- (d) rialacha maidir le luach aonaid na dteidlíochtaí íocaíochta a mhodhnú i gcás codán de na teidlíochtaí íocaíochta agus i gcás ina n-aistreofaí na teidlíochtaí íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 34(4);
- (e) critéir chun roghanna faoi phointí (a),(b) agus (c) den tríú fómhír d'Airteagal 24(1) a chur i bhfeidhm;
- (f) critéir chun teorainneacha a chur i bhfeidhm maidir le líon na dteidlíochtaí íocaíochta atá le leithdháileadh i gcomhréir le hAirteagal 24(4) go (7);

(g) critéir chun na teidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh de bhun Airteagal 30(4) agus (7);

(h) critéir chun an chomhéifeacht don laghdú dá dtagraítear a chúigiú fómhír d'Airteagal 32(5) a shocrú.

2. Chun bainistiú cuí na dteidlíochtaí íocaíochta a áirithiú, cumhachtófar an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 lena leagtar síos rialacha maidir le hábhar an dearbhaithe agus leis na ceanglais chun teidlíochtaí íocaíochta a ghníomhachtú.

3. Chun sláinte phoiblí a chosaint, cumhachtófar an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 lena leagtar síos rialacha faoina mbeidh deonú íocaíochtaí coinníollach ar shíolta deimhnithe de chineálacha áirithe cnáibe a úsáid agus an nós imeachta le haghaidh cineálacha cnáibe a dhearbhu agus lena gcion teitrihidreacannaibionóil dá dtagraítear in Airteagal 32(6) a fhíorú.

Roinn 4

Scéim íocaíochta aonair limistéir

Airteagal 36

Scéim íocaíochta aonair limistéir

1. Na Ballstáit a bhfuil an scéim íocaíochta aonair limistéir a leagtar síos i gCaibidil 2 de Theideal V de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 á cur i bhfeidhm acu in 2014, féadfaidh siad a chinneadh, faoi na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo, leanúint d'fheidhmiú na scéime sin go dtí an 31 Nollaig 2020 ar a dhéanaí. Cuirfidh siad a gcinneadh in iúl don Choimisiún faoin 1 Lúnasa 2014 mar aon le dáta deiridh chur i i bhfeidhm na scéime sin.

Le linn na tréimhse ina mbeidh an scéim íocaíochta aonair limistéir á cur i bhfeidhm, ní bheidh feidhm ag roinn 1, roinn 2 ná ag roinn 3 den Chaibidil seo maidir leis na Ballstáit sin, cé is moite den dara fómhír d'Airteagal 23(1) d'Airteagal 23 (5) agus d'Airteagal 32(2) go (6).

2. Deonófar an íocaíocht aonair limistéir ar bhonn bliantúil do gach heicteár incháilithe a dhearbhaigh an feirmeoir i gcomhréir le pointe (a) den chéad fómhír d'Airteagal 72(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013. Déanfar é a ríomh gach bliain tríd an imchlúdach airgeadais bliantúil a bunaíodh i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo, a roinnt ar líon iomlán na heicteár incháilithe a dearbhaíodh sa Bhallstát lena mbaineann i gcomhréir le pointe (a) den chéad fómhír d'Airteagal 72(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

3. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na Ballstáit a chinneann Airteagal 38 den Rialachán seo a fheidhmiú ón 1 Eanáir 2018 ar a dhéanaí, leas a bhaint, ar feadh na tréimhse ina mbeidh an tAirteagal seo á fheidhmiú acu, as suas le 20 % den imchlúdach airgeadais bliantúil dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo chun an íocaíocht aonair limistéir in aghaidh an heicteáir a dhifreálú.

Agus an méid sin á ndéanamh acudéanfaidh siad an tacaíocht a deonaíodh don bhliain féilire 2014 faoi cheann amháin nó níos mó de na scéimeanna de bhun phointe (a), phointe (b) agus phointe (c) d'Airteagal 68(1) agus Airteagal 126, Airteagal 127 agus Airteagal 129 de Rialachán (CE) Uimh 73/2009 a chur san áireamh.

Féadfaidh an Chipir an chabhair a dhifreálú agus na himchlúdaigh airgeadais a chur san áireamh a bhaineann go sonrach leis an earnáil mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XVIIa de Rialachán (CE) Uimh 73/2009 agus laghdú á dhéanamh de réir aon chabhrach a deonaíodh don earnáil chéanna de bhun Airteagal 37 den Rialachán seo.

4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena socrófar do gach Ballstát, an uasteorainn náisiúnta bhliantúil don scéim íocaíochta aonair limistéir trí na méideanna bliantúla arna socrú i gcomhréir le hAirteagal 42, 47, 49, 51 agus 53 a bhaint ón uasteorainn náisiúnta bhliantúil a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 71(2).

5. Ach amháin i gcás force majeure nó in imthosca eisceachtúla, beidh na heicteáir dá dtagraítear i mír 2 ar fáil don fheirmeoir ar dháta a shocróidh an Ballstát, ar dáta é nach déanaí ná an dáta a shocrófar sa Bhallstát sin chun leasú a dhéanamh ar an iarratas ar chabhair dá dtagraítear in Airteagal 72(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 maidir leis na rialacha a bhaineann le hincháilitheacht agus leis an rochtain atá ag feirmeoirí ar an scéim íocaíochta aonair limistéir.

Airteagal 37

Cabhair idirthrémhse náisiúnta

1. Na Ballstáit a bhfuil an scéim íocaíochta aonair limistéir á feidhmiú acu i gcomhréir le hAirteagal 36, féadfaidh siad a chinneadh cabhair idirthrémhseach náisiúnta a dheonú don tréimhse 2015-2020.

2. Féadfar an chabhair idirthrémhseach náisiúnta a dheonú ar fheirmeoirí in earnálacha ar deonaíodh an chabhair sin orthu in 2013, nó i gcás na Bulgáire agus na Rómáine, ar deonaíodh íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha orthu in 2013.

3. Beidh na coinníollacha maidir leis an gcabhair idirthrémhseach náisiúnta comhionann leis na cinn a údaraítear maidir le híocaíochtaí a dheonú de bhun Airteagal 132(7) nó Airteagal 133a de Rialachán (CE) 73/2009 i ndáil le 2013, cé is moite den laghdú ar na híocaíochtaí mar thoradh ar chur i bhfeidhm Airteagal 132 i gcomhar le hAirteagal 7 agus le hAirteagal 10 den Rialachán sin.

4. Déanfar suim iomlán an chúnamh idirtrémhse náisiúnta a fhéadfar a dheonú ar fheirmeoirí i gceann ar bith de na hearnálacha dá dtagraítear i mír 2 a theorannú leis an gcéatadán a leanas de na himchlúdaigh airgeadais sonracha don earnáil mar a údaraíonn an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 132(7) nó le hAirteagal 133a(5) de Rialachán (CE) Uimh 73/2009 ón gComhairle in 2013:

— 75 % sa bhliain 2015

— 70 % sa bhliain 2016

— 65 % sa bhliain 2017

— 60 % sa bhliain 2018

— 55 % sa bhliain 2019

— 50 % sa bhliain 2020

I gcás na Cipire, ríomhfar an céatadán ar bhonn na n-imchlúdach airgeadais sonracha don earnáil a leagtar amach in Iarscríbhinn XVIIa a ghabhann le Rialachán (CE) 73/2009.

5. Ní bheidh feidhm ag mír 2 ná ag mír 3 maidir leis an gCipir.

6. Cuirfidh an Ballstát aon chinneadh dá dtagraítear i mír 1 in iúl don Choimisiún faoin 31 Márta gach bliain. Beidh an fhaisnéis seo a leanas san fhógra:

(a) na himchlúdaigh airgeadais sonracha don earnáil;

(b) uasráta na cabhrach idirthrémhse náisiúnta i gcás inarb iomchuí.

7. Ar bhonn critéar oibiachtúil agus laistigh de na teorainneacha a leagtar amach i mír 4, féadfaidh na Ballstáit méid na cabhrach idirthrémhse náisiúnta atá le deonú a chinneadh.

Roinn 5

Cur chun feidhme scéim na híocaíochta bunúsaí sna Ballstáit a bhfuil an scéim íocaíochta aonair limistéir curtha i bhfeidhm acu

Airteagal 38

Tabhairt isteach scéim na híocaíochta bunúsaí sna Ballstáit a bhfuil an scéim íocaíochta aonair limistéir curtha i bhfeidhm acu

Mura bhforáiltear a mhalairt sa Roinn seo, beidh feidhm ag an Teideal seo maidir leis na Ballstáit a bhfuil an scéim íocaíochta aonair limistéir dá bhforáiltear i Roinn 4 den Chaibidil seo curtha i bhfeidhm acu.

Ní beidh feidhm ag Airteagal 24 go 29 maidir leis na Ballstáit sin.

Airteagal 39

Na teidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh den chéad uair

1. Déanfar teidlíochtaí íocaíochtaí a leithdháileadh ar fheirmeoirí atá i dteideal íocaíochtaí díreacha a fháil i gcomhréir le hAirteagal 9 den Rialachán seo ar an gcoinníoll:

(a) go ndéanann siad iarratas ar theidlíochtaí íocaíochta faoi scéim na híocaíochta bunúsaí faoin dáta deiridh chun iarratas a chur isteach a shocrófar i gcomhréir le pointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 78 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 sa chéad bhliain ina gcuirfear scéim na híocaíochta bunúsaí chun feidhme, seachas i gcás force majeure nó in imthosca eisceachtúla; agus

(b) go raibh siad i dteideal. íocaíochta a fháil, sula ndéanfar aon laghdú nó aon eisiaimh dá bhforáiltear i gCaibidil 4 de Theideal II de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, i ndáil le hiarratas ar chabhair d'íocaíochtaí díreacha, nó cabhair idirthréimhseach náisiúnta nó íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 do 2013.

Féadfaidh na Ballstáit teidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh ar fheirmeoirí atá i dteideal íocaíochtaí díreacha i gcomhréir le hAirteagal 9 den Rialachán seo, a chomhlíonann na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír, nach bhfuairíocaíochtaí don bhliain 2013i ndáil le hiarratas ar chabhair dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír den mhír seo agus nach raibh acu, ar an dáta a shocraigh an Ballstát lena mbaineann de réir Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1122/2009 don bhliain éilithe 2013, ach talamh talmhaíochta nach raibh riocht maith talmhaíochta air an 30 Meitheamh 2003 dá bhforáiltear in Airteagal 124(1) de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009.

2. Ach amháin i gcás force majeure nó imthosca eisceachtúla, beidh líon na dteidlíochtaí íocaíochta a leithdháiltear ar gach feirmeoir sa chéad bhliain ina gcuirfeadh scéim na híocaíochta bunúsaí chun feidhme cothrom le líon na heicteár incháilithe, a dhearbhóidh an feirmeoir ina iarratas ar chabhair i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 72(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 don chéad bhliain de chur chun feidhme scéim na híocaíochta bunúsaí agus a bheidh ar fáil dó ar dháta a shocraigh an Ballstát ar dháta sin nach déanaí ná an dáta a socraíodh sa Bhallstát sin chun na hiarratais sin ar chabhair a leasú.

3. Cumhachtófar an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 lena leagfar síos rialacha maidir le tabhairt isteach scéim na híocaíochta bunúsaí i mBallstáit a bhfuil an scéim íocaíochta aonair limistéir curtha i bhfeidhm acu.

4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos rialacha maidir le hiarratais ar leithdháileadh teidlíochtaí íocaíochta a chuirfeadh isteach sa bhliain ina leithdháiltear teidlíochtaí íocaíochta i gcás nach mbeidh na teidlíochtaí íocaíochta sin bunaithe go cinntitheach go fóill agus i gcás ina mbeidh tionchar ag imthosca sonracha ar an leithdháileadh sin.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 71(2).

Airteagal 40

Luach na dteidlíochtaí íocaíochta

1. Sa chéad bhliain ina mbeidh scéim na híocaíochta bunúsaí á cur chun feidhme, ríomhfaidh na Ballstáit luach aonaid na dteidlíochtaí íocaíochta trí chéatadán seasta den uasteorainn náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinn II do gach bliain ábhartha a roinnt ar líon na dteidlíochtaí íocaíochta i gcéad

bhliain chur chun feidhme scéim na híocaíochta bunúsaí, cé is moite díobh siúd a leithdháiltear ón gcúlchiste náisiúnta nó óna gcúlchistí réigiúnacha.

Ríomhfar an céatadán seasta dá dtagraítear sa chéad fhomhír tríd an uasteorainn náisiúnta nó réigiúnach don scéim aonair bunúsach a shocrófar do chéad bhliain chur chun feidhme scéim na híocaíochta bunúsaí i gcomhréir le hAirteagal 22(1) nó le hAirteagal 23(2) faoi seach den Rialachán seo tar éis don laghdú líneach dá bhforáiltear i mír 1 a bheith curtha i bhfeidhm nó, i gcás inarb iomchuí, i mír 2 d'Airteagal 30, ar an uasteorainn náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinn II do chéad bhliain chur chun feidhme scéim na híocaíochta bunúsaí. Cuirfeadh líon na dteidlíochtaí íocaíochta in iúl trí uimhir a bheidh comhfhreagrach do líon na heicteár.

2. De mhaolú ar an modh ríomha dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh idirdhealú a dhéanamh idir luach na dteidlíochtaí íocaíochta i gcéad bhliain chur chun feidhme scéim na híocaíochta bunúsaí, cé is moite díobh siúd a leithdháiltear ón gcúlchiste náisiúnta nó óna gcúlchistí réigiúnacha i gcás gach bliana ábhartha, ar bhonn a luach aonaid bhunaidh.

3. Socrófar luach aonaid bunaidh na dteidlíochtaí íocaíochta dá dtagraítear i mír 2 trí chéatadán seasta de luach iomlán na cabhrach, cé is moite den chabhair de bhun Airteagail 41, 43, 48 agus 50, agus Theideal IV den Rialachán seo, a fuair an feirmeoir sin i gcomhréir leis an Rialachán seo don bhliain féilire roimh chur chun feidhme scéim na híocaíochta bunúsaí roimh Airteagal 63 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, a bheith curtha i bhfeidhm, a roinnt ar líon na dteidlíochtaí íocaíochta a leithdháiltear ar an bhfeirmeoir sin i gcéad bhliain chur chun feidhme scéim na híocaíochta bunúsaí, cé is moite díobh siúd a leithdháiltear ón gcúlchiste náisiúnta nó óna gcúlchistí réigiúnacha.

Déanfar an céatadán seasta sin a ríomh trí uasteorainn náisiúnta nó réigiúnach do scéim na híocaíochta bunúsaí atá le socrú i gcomhréir le hAirteagal 22(1) nó le hAirteagal 23(2) faoi seach den Rialachán seo do chéad bhliain chur chun feidhme scéim na híocaíochta bunúsaí, tar éis don laghdú líneach dá bhforáiltear i mír 1 nó, i gcás inarb infheidhme, i mír 2 d'Airteagal 30 a roinnt ar luach iomlán na cabhrach, lúide gach cabhair de bhun Airteagail 41, 43, 48 agus 50, agus Teideal IV den Rialachán seo, arna dheonú don bhliain féilire roimh chur chun feidhme scéim na híocaíochta bunúsaí sa Bhallstát nó sa réigiún lena mbaineann sula gcuirfeadh Airteagal 63 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 i bhfeidhm.

4. Nuair a bheidh mír 2 á cur i bhfeidhm acu, oibreoidh na Ballstáit, ag gníomhú dóibh i gcomhréir le príonsabail ghinearálta dhlí an Aontais, chun luach na dteidlíochtaí íocaíochta a chomhchuíbhiú ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach. Chuige sin, socróidh na Ballstáit na bearta a bheidh le déanamh agus modh an ríofa a bheidh le húsáid agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas fúthu faoin 1 Lúnasa den bhliain roimh chur chun feidhme scéim na híocaíochta bunúsaí. Ar na bearta sin beidh modhnuithe bliantúla de réir a chéile ar luach bunaidh na dteidlíochtaí íocaíochta dá dtagraítear i mír 3 i gcomhréir le critéir oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha, ag tosú ó chéad bhliain chur chun feidhme scéim na híocaíochta bunúsaí.

Sa chéad bhliain ina gcuirfeadh scéim na hÍocaíochta bunúsaí chun feidhme, cuirfidh na Ballstáit luach a dteidlíochtaí in iúl do na feirmeoirí, mar a ríomhtar iad i gcomhréir leis an Airteagal seo le haghaidh gach bliana den tréimhse a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

5. Chun críocha mhír 3, i gcás ina ndéanfar léas ar limistéir talmhaíochta nó cuid de léas a dhíol nó a dheonú nó i gcás ina rachaidh an léas nó cuid de in éag tar éis an dáta a shocrófar de bhun Airteagal 36(3) agus roimh an dáta a shocrófar de bhun Airteagal 33(1), féadfaidh Ballstát, ar bhonn critéar oibiachtúil, a fhoráil go bhfuil an méadú, nó cuid den mhéadú sin, ar luach na dteidlíochtaí íocaíochta a leithdháilfí ar an bhfeirmeoir lena mbaineann le dul ar ais isteach sa chúlchiste náisiúnta nó sna cúlchistí réigiúnacha i gcás gur brábús amhantair a bheadh sa mhéadú sin don fheirmeoir lena mbaineann.

Leagfar síos na critéir oibiachtúla sin ar bhealach a áiríteoidh go gcaithfeadh go cothrom le feirmeoirí éagsúla agus go seachnófar saobhadh ar an margadh agus ar an iomaíocht, agus áireofar leis na critéir sin an méid seo a leanas ar a laghad:

- (a) íostréimhse don léas;
- (b) an cion den íocaíocht a gheofar atá le dul ar ais sa chúlchiste náisiúnta nó sna cúlchistí réigiúnacha.

CAIBIDIL 2

Íocaíocht athdháilte

Airteagal 41

Rialacha ginearálta

1. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh faoin 1 Lúnasa in aon bhliain faoi leith íocaíocht bhliantúil a dheonú sa chéad bhliain eile ar fheirmeoirí atá i dteideal íocaíocht faoi scéim na hÍocaíochta bunúsaí dá dtagraítear in Ranna 1, 2, 3 agus 5 de Chaibidil 1 nó faoin scéim íocaíochta aonair limistéir dá dtagraítear in Roinn 4 de Chaibidil 1 ("an íocaíocht athdháilte").

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir le haon chinneadh den sórt sin faoin dáta dá dtagraítear sa chéad fhómhír.

2. Na Ballstáit a chinn scéim na hÍocaíochta bunúsaí a chur i bhfeidhm ar an leibhéal réigiúnach i gcomhréir le hAirteagal 23, féadfaidh siad an íocaíocht athdháilte a chur i bhfeidhm ar an leibhéal réigiúnach.

3. Gan dochar do chur i bhfeidhm an smachta airgeadais, an laghdú ar íocaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 11, na laghduithe líneacha dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán seo ná do chur i bhfeidhm Airteagal 63 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 deonófar an íocaíocht athdháiltear bhonn bliantúil nuair a ghníomhachtóidh an feirmeoir na teidlíochtaí íocaíochta nó i mBallstáit a chuireann Airteagal 36 den Rialachán seo i bhfeidhm, nuair a dhearbhoíd an feirmeoir na heicteáir incháilithe.

4. Ríomhfaidh na Ballstáit an íocaíocht athdháilte gach bliain trí fhigiúr a shocróidh na Ballstáit nach mbeidh níos airde ná 65 % den mheáníocaíocht náisiúnta nó réigiúnach in aghaidh an heicteáir a mhéadú faoi líon na dteidlíochtaí íocaíochta a ghníomhachtaigh an feirmeoir i gcomhréir le hAirteagal 33(1) nó ar líon na heicteáir incháilithe a dhearbhoíd an feirmeoir i gcomhréir le hAirteagal 36(1a). Ní bheidh líon na dteidlíochtaí íocaíochta nó na heicteáir sin níos mó ná uasmhéid a shocróidh na Ballstáit nach mbeidh níos mó ná 30 heicteár nó meánmhéid na ngabháltas talmhaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII má tá an meánmhéid sin níos mó ná 30 heicteár sa Bhallstát lena mbaineann.

5. Ar an gcoinníoll go n-urramófar na huasteorainneacha a leagtar amach mír 4, féadfaidh na Ballstáit, ar an leibhéal náisiúnta, grádú a chur i mbun laistigh de líon na heicteáir a shocraítear i gcomhréir leis an mír sin, agus beidh feidhm chomhionann acu maidir leis na feirmeoirí uile.

6. An mheáníocaíocht náisiúnta in aghaidh an heicteáir dá dtagraítear i mír 4 den Rialachán seo, bunóidh na Ballstáit í ar bhonn na huasteorainn náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinn II don bhliain féilire 2019 agus ar líon na heicteáir incháilithe a dhearbhoífar i gcomhréir le hAirteagal 33(1) nó le hAirteagal 36(2) in 2015.

An mheáníocaíocht réigiúnach in aghaidh an heicteáir dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, bunóidh na Ballstáit í trí sciar den uasteorainn náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinn II don bhliain féilire 2019 a úsáid mar aon le líon na heicteáir incháilithe a dearbhoíodh sa réigiún lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 33(1) in 2015. I gcás gach réigiúin, ríomhfar an sciar sin tríd an uasteorainn réigiúnach faoi seach a shocrófar i gcomhréir le Airteagal 23(2), a roinnt ar an uasteorainn náisiúnta a shocrófar i gcomhréir le hAirteagal 22(1) tar éis an laghdú líneach dá bhforáiltear i mír 1 d'Airteagal 30a bheith curtha i bhfeidhm sa chás nach gcuirfí mír (2) den Airteagal sin i bhfeidhm.

7. Áiritheoidh na Ballstáit dtabharfar aon bhuntáiste dá bhforáiltear faoin gCaibidil seo d'fheirmeoirí a bhfuil sé suite ina leith, ón 18 Deireadh Fómhair 2011, gur roinn siad a ngabháltas agus gan é d'aidhm acu ach tairbhe a bhaint as an íocaíocht athdháilte. Beidh feidhm aige sin freisin maidir le feirmeoirí ar toradh iad a ngabháltas ar an roinnt sin.

8. I gcás duine dhlítheanaigh, nó grúpa daoine nádúrtha nó dlítheanacha, féadfaidh na Ballstáit an t-uaslíon teidlíochtaí íocaíochta nó heicteár dá dtagraítear i mír 4 a chur i bhfeidhm ar leibhéal chomhaltaí na ndaoine nó na ngrúpaí dlítheanacha sin sa chás sin ina bhforáiltear leis an dlí náisiúnta go mbeidh cearta agus oibleagáidí na gcomhaltaí aonair inchomparáide le cearta feirmeoirí aonair a bhfuil stádas cheann an ghabháltas acu, go háirithe maidir lena stádas eacnamaíoch, sóisialta agus cánach, ar an gcoinníoll gur chuidigh siad chun struchtúir talmhaíochta na ndaoine nó na ngrúpaí dlítheanacha lena mbaineann a neartú.

Airteagal 42

Forálacha airgeadais

1. Chun an íocaíocht athdháilte a mhaoiniú, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, faoin dáta dá dtagraítear in Airteagal 41(1), suas le 30 % den uasteorainn náisiúnta bhliantúil a leagtar amach in Iarscríbhinn II a úsáid. Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi aon chinneadh den sórt sin faoin dáta sin.

2. Ar bhonn an chéatadáin den uasteorainn náisiúnta a bheidh le húsáid ag na Ballstáit de bhun mhír 1 den Airteagal seo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmlichte lena socrófar an uasteorainn chomhfhreagrach don íocaíocht athdháilte ar bhonn bliantúil trí bhithin gníomhartha tarmlichte. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 71(2).

CAIBIDIL 3

Íocaíocht d'fheirmeoirí a leanann cleachtais talmhaíochta chun leas na haeráide agus an chomhshaoil

Airteagal 43

Rialacha ginearálta

1. Feirmeoirí atá i dteideal íocaíochta faoi scéim na híocaíochta bunúsaí nó faoin scéim íocaíochta aonair limistéir, leanfaidh siad, ar iomlán a gcuid heicteár incháilithe de réir bhrí Airteagal 32(2) go (5), na cleachtais talmhaíochta atá tairbhiúil don aeráid agus don chomhshaoil dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo nó na ceanglais choibhéiseacha dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo.

2. Is mar a leanas a bheidh na cleachtais talmhaíochta atá tairbhiúil don aeráid agus don chomhshaoil:

- (a) éagsúlú barr;
 - (b) féarthailte buana a choimeád; agus
 - (c) limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht a bheith i gcuid den limistéar talmhaíochta.
3. Is é a bheidh sna cleachtais choibhéiseacha cleachtais chomhchosúla a tháirgeann tairbhe coibhéiseach nó tairbhe níos airde don aeráid agus don chomhshaoil i gcomparáid le cleachtas amháin nó roinnt de na cleachtais dá dtagraítear i mír 2. Liostaítear in Iarscríbhinn IX na cleachtais choibhéiseacha agus an cleachtas nó na cleachtais dá dtagraítear i mír 2 lena bhfuil siad coibhéiseacha agus beidh siad faoi réir na nithe seo a leanas:
- (a) gealltanais a gabhadh de láimh i gcomhréir le hAirteagal 39(2) de Rialachán Uimh. 1698/2005 nó le hAirteagal 28(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.

- (b) scéimeanna deimhniúcháin comhshaoil náisiúnta nó réigiúnacha, lena n-áirítear iad siúd le haghaidh deimhnithe maidir le comhlíonadh na reachtaíochta náisiúnta comhshaoil, lena éilítear níos mó ná na caighdeáin ábhartha éigeantacha a bunaíodh de bhun Caibidil I de

Theideal VI de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, arb é is aidhm leo na cuspóirí a bhaint amach i dtaca le cáilíocht na hithreach agus an uisce, le bithéagsúlacht, le caomhnú an tírdhreacha agus le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó. Féadfar a áireamh leis na scéimeanna deimhniúcháin sin na cleachtais a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán seo, na cleachtais dá dtagraítear i mír 2, nó meascán de na cleachtais sin.

4. Na cleachtais choibhéiseacha dá dtagraítear i mír 3, ní bheidh siad faoi réir cistiú dúbailte.

5. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach, i gcás inarb iomchuí, teorainn a chur leis na roghanna a bheidh ag feirmeoirí dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 3.

6. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach, i gcás inarb iomchuí, go gcomhlíonfaidh feirmeoirí a gcuid oibleagáid uile faoi mhír 1 i gcomhréir le scéimeanna deimhniúcháin comhshaoil náisiúnta nó réigiúnacha dá dtagraítear i bpointe b de mhír 3.

7. Faoi réir na gcinntí a dhéanfaidh na Ballstáit dá dtagraítear i mír 5 agus 6, ní fhéadfaidh feirmeoir ceann amháin nó níos mó de na cleachtais dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 3 a leanúint ach amháin má ghlacann na cleachtais sin, ar bhealach iomlán, ionad na gcleachtais gaolmhar dá dtagraítear in mír 2. Ní fhéadfaidh feirmeoir scéimeanna deimhniúcháin dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 3 a úsáid ach amháin má chumhdaíonn siad an oibleagáid iomlán dá dtagraítear i mír 1.

8. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoina gcuid cinní dá dtagraítear i mír 5 agus i mír 6 mar aon leis na gealltanais shonracha nó na scéimeanna deimhniúcháin a mbeidh sé ar intinn acu a fheidhmiú mar chleachtais choibhéiseacha de réir bhrí mhír 3.

Measúnóidh an Coimisiún an bhfuil na cleachtais a áirítear sna gealltanais shonracha nó scéimeanna deimhniúcháin cumhdaithe sa liosta in Iarscríbhinn IX agus má mheasann sé nach bhfuil, tabharfaidh sé fógra do na Ballstáit dá réir sin trí ghníomhartha cur chun feidhme a ghlacfar gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 71(2) nó (3) a chur i bhfeidhm. I gcás ina dtugann an Coimisiún fógra do Bhallstát nach bhfuil na cleachtais sin cumhdaithe leis an liosta in Iarscríbhinn IX, ní chuirfidh an Ballstát sin na gealltanais shonracha ná na scéimeanna deimhniúcháin a bhaineann fógra an Choimisiúin leo i bhfeidhm mar chleachtais choibhéiseacha de réir bhrí mhír 3 den Airteagal seo.

9. Gan dochar do mhír 10 agus do mhír 11 den Airteagal seo, ná do chur i bhfeidhm an smachta airgeadais, na laghduithe líneacha i gcomhréir le hAirteagal 7 den Rialachán seo agus do chur i bhfeidhm Airteagal 63 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, deonóidh na Ballstáit an íocaíocht dá dtagraítear sa Chaibidil seo ar fheirmeoirí a leanann na cleachtais as na cinn sin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo atá ábhartha dóibh féin, agus sa mhéid a chomhlíonann na feirmeoirí sin Airteagal 44, Airteagal 45 agus Airteagal 46 den Rialachán seo.

Déanfar an íocaíocht seo trí mhéan íocaíochta bliantúla in aghaidh an heicteáir incháilithe a dearbhaíodh i gcomhréir le hAirteagal 33(1) nó le hAirteagal 36(1a), íocaíocht a ríomhfar ar bhonn bliantúil tríd an méid atá mar thoradh ar chur i bhfeidhm Airteagal 47 a roinnt ar líon iomlán na heicteáir incháilithe a dearbhaíodh, i gcomhréir le hAirteagal 33(1) nó le hAirteagal 36(2), sa Bhallstát nó sa réigiún lena mbaineann.

De mhaolú ar an dara fómhír, na Ballstáit sin a chinnfidh Airteagal 25(2) a chur i bhfeidhm, féadfaidh siad a chinneadh an íocaíocht dá dtagraítear sa mhír sin a dheonú mar chéatadán de luach iomlán na dteidlíochtaí a bheidh gníomhachaithe ag an bhfeirmeoir i gcomhréir le hAirteagal 33(1) do gach bliain ábhartha.

Do gach bliain agus do gach Ballstát nó réigiún, déanfar an céatadán sin a ríomh tríd an méid a fhaightear de bharr Airteagal 47 a chur i bhfeidhm a roinnt ar líon iomlán na dteidlíochtaí íocaíochta a bheidh gníomhachaithe i gcomhréir le hAirteagal 33(1) sa Bhallstát nó sa réigiún.

10. Feirmeoirí a bhfuil a ngabháltas suite ina n-iomláine nó i bpáirt i limistéar a chumhdaítear le Treoir 92/43/CEE, le Treoir 2000/60/CE nó le Treoir 2009/147/CE, beidh siad i dteideal an íocaíochta dá dtagraítear sa Chaibidil seo ar an gcoinníoll go leanann siad na cleachtais dá dtagraítear sa Chaibidil seo a mhéid atá na cleachtais sin ag luí le cuspóirí na dTreoracha sin i gcás na ngabháltas sin.

11. Feirmeoirí a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 29(1) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 maidir le feirmeoireacht orgánach, beidh siad i dteideal, ipso facto, na híocaíochta dá dtagraítear sa Chaibidil seo.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír ach amháin maidir le haonaid gabháltais a úsáidtear chun críche táirgthe orgánaigh i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007.

12. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 chun an méid a leanas a dhéanamh:

- (a) ag cur cleachtais choibhéseacha leis an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn IX;
- (b) ag bunú na ceanglais iomchuí is infheidhme do na scéimeanna deimhniúcháin náisiúnta nó réigiúnacha dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 3 den Airteagal seo, lena n-áirítear an leibhéal ráthaíochta atá le cur ar fáil ag na scéimeanna sin;
- (c) ag bunú rialacha mionsonraithe do ríomh an méid dá dtagraítear in Airteagal 28(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 i ndáil leis na cleachtais dá dtagraítear i bpointe 3 agus i bpointe 4 de Roinn I agus i bpointe 7 de Roinn III d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán seo agus aon chleachtais choibhéseacha eile a chuirfí leis an Iarscríbhinn sin de bhun phointe (a) den mhír seo, dá dteastaíonn ríomh ar leith chun an cistiú dúbailte a sheachaint.

13. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunófar rialacha maidir leis an nós imeachta i ndáil leis na fógraí, lena n-áirítear rialacha maidir leis an amhlár dá tiolacadh, agus leis an measúnú a dhéanfaidh an Coimisiún dá dtagraítear i mír 8. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 71(2).

Airteagal 44

Éagsúlú barr

1. I gcás ina gcumhdóidh talamh arúil an fheirmeora idir 10 heicteár agus 30 heicteár, agus nach saothrófar ina iomláine é le barra faoi uisce ar feadh tréimhse fada den bhliain, nó ar feadh tréimhse fada den timthriall barr, beidh dhá bharr éagsúla ar a laghad ar an talamh arúil sin. Ní bheidh níos mó ná 75 % den talamh arúil sin faoin bpríomhbharr.

I gcás ina gcumhdóidh talamh arúil an fheirmeora níos mó ná 30 heicteár, agus nach saothrófar ina iomláine é le barra faoi uisce ar feadh tréimhse fada den bhliain, nó ar feadh tréimhse fada den timthriall barr, beidh trí bharr éagsúla ar a laghad ar an talamh arúil sin. Ní chumhdóidh an príomhbharr níos mó ná 75 % den talamh arúil sin agus ní chumhdóidh an dá phríomhbharr le chéile níos mó ná 95 % den talamh arúil sin

2. Gan dochar do líon na mbarr a theastaíonn de bhun mír 1, ní bheidh feidhm ag na huastairseacha a leagtar amach ansin i gcás gabháltasina mbeidh níos mó ná 75 % den talamh arúil faoi fhéar nó faoi fhoráiste luibheach eile nó i gcás inar talamh branair níos mó ná 75 % den talamh arúil. I gcásanna den sórt sin, ní chumhdóidh an príomhbharr ar an gcuid eile den talamh arúil níos mó ná 75 % den talamh arúil sin ach amháin i gcás ina mbeidh an talamh eile sin faoi fhéar nó faoi fhoráiste luibheach nó gur talamh branair é.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 agus mír 2 maidir le gabháltais:

- (a) ina n-úsáidfean níos mó ná 75 % den talamh arúil chun féar nó foráiste luibheach eile a tháirgeadh, nó gur talamh branair nó talamh a bheidh faoi réir teaglam de na húsáidí sin atá ann, ar an gcoinníoll nach mó ná 30 heicteár an talamh arúil nach gcumhdófar leis na húsáidí sin;
- (b) i gcás inar féarthailte buana níos mó ná 75 % den limistéar talmhaíochta incháilithe mar fhéarthailte buana, ina n-úsáidtear échun féar nó foráiste luibheach eile a tháirgeadh nó barra a bhíonn faoi uisce ar feadh cuid shuntasach den bhliain nó cuid shuntasach de thimthriall na mbarr, nó faoi réir teaglam de na húsáidí sin atá ann, ar an gcoinníoll nach mó ná 30 heicteár an talamh arúil nach gcumhdaítear leis na húsáidí sin;
- (c) i gcás nár dhearbhaigh an feirmeoir, ina iarratas ar chabhair ón mbliain roimhe sin, breis agus 50 % de limistéar an talaimh arúil a dearbhaíodh, agus, bunaithe ar chomparáid a dhéanamh idir na hiarratais gheo-spásacha, ina mbeidh an talamh arúil ar fad á shaothrú le barr difriúil ó bharr na bliana féilire roimhe sin;

(d) a bheidh lastuaidh den 62ú líne dhomhanleithid nó i limistéir áirithe atá cóngarach di. I gcás ina gcumhdóidh talamh arúil an ghabháilais níos mó ná 10 heicteár, beidh dhá bharr éagsúla ar a laghad ar an talamh arúil sin agus ní chlúdóidh ceann ar bith de na barra sin níos mó ná 75 % den talamh arúil ach amháin sa chás nuair is féar nó foráiste luibheach eile an príomhbharr nó gur talamh branair atá ann.

4. Chun críocha an Airteagail seo, ciallóidh "barr" aon cheann de na nithe seo a leanas:

- (a) saothrán de chuid cheann ar bith de na genera éagsúla a shainmhínítear in aicmiú luibheolaíoch na mbarr;
- (b) saothrán de chuid aon speicis de na Brassicaceae, Solanaeaceae nó Cucurbitaceae;
- (c) talamh branair
- (d) féar nó foráiste luibheach eile.

Measfargo mbeidh barra geimhridh agus barra earraigh éagsúil, fiú más den ghéineas céanna iad araon.

5. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70:

- (a) cineálacha eile genera agus speiceas a aithint mar aon leo siúd dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo; agus
- (b) na rialacha a leagan síos chun ríomh beacht sciartha na mbarr éagsúil a chur i bhfeidhm.

Airteagal 45

Féarthailte buana

1. Ainmneoidh na Ballstáit féarthailte buana atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de i limistéir a chumhdaítear le Treoir 92/43/CEE nó le Treoir 2009/147/CE, lena n-áirítear talamh portaigh agus bogaigh atá suite sna limistéir sin, agus a dteastaíonn dianchosaint uathu chun cuspóirí na dTreoracha sin a chomhlíonadh.

Chun cosaint a áirithiú d'fhéarthailte buana a bhfuil luach breise acu ó thaobh an chomhshaoil de, feádfaidh Ballstáit a chinneadh go n-ainmneoidh siad limistéir íogaire eile lasmuigh de na limistéir atá cumhdaithe le Treoir 92/43/CEE nó le Treoir 2009/147/CE, lena n-áirítear féarthailte buana ar ithir atá ar mhórán carbóin.

Ní thiontóidh feirmeoirí ná ní threabhfaidh siad féarthailte buana atá suite i limistéir a ainmneoidh na Ballstáit faoin gcéad fhomhír nó, i gcás inarb infheidhme, faoin dara fhomhír.

2. Áiritheoidh na Ballstáit nach laghdóidh cóimheas limistéir na bhféarthailte buana le hais an limistéir talmhaíochta ina iomláine a dhearbhaigh na feirmeoirí i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 72(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 níos mó ná 5 % i gcomparáid le cóimheas tagartha a bhunóidh na Ballstáit in 2015 trí limistéir na bhféarthailte

buana dá dtagraítear i bpointe (a) den dara fhomhír den mhír seo a roinnt ar an limistéir talmhaíochta iomlán dá dtagraítear i bpointe (b) den fhomhír sin.

Chun críocha an chóimheasa thagartha dá dtagraítear sa chéad fhomhír a bhunú:

- (a) ciallaíonn "limistéir féarthailte buana" an talamh faoi fhéarach buan a dhearbhoídh na feirmeoirí in 2012, nó in 2013 i gcás na Cróite, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 faoi réir na n-oibleagáidí faoin gCaibidil seo, móide an limistéir féarthailte buana a dhearbhaigh na feirmeoirí in 2015 i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 72(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 faoi réir na n-oibleagáidí faoin gCaibidil seo nár dearbhaíodh mar thalamh faoi fhéarach buan in 2012 nó, i gcás na Cróite, in 2013;
- (b) ciallaíonn "limistéir talmhaíochta iomlán" an limistéir talmhaíochta a dhearbhoídh na feirmeoirí in 2015 i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 72(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 faoi réir na n-oibleagáidí faoin gCaibidil seo.

Déanfar cóimheas tagartha na bhféarthailte buana a athríomh i gcásanna ina mbeidh dualgas ar fheirmeoirí a bheidh faoi réir na n-oibleagáidí faoin gCaibidil seo limistéir a ath-thiontú ina fhéarthailte buana in 2015 nó in 2016 i gcomhréir le hAirteagal 93 Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013. Sa chás sin, déanfar na limistéir sin a chur leis na limistéir féarthailte buana dá dtagraítear i bpointe (a) den dara fhomhír den mhír seo.

Bunófar gach bliain cóimheas na bhféarthailte buana ar bhonn na limistéir a dhearbhoídh na feirmeoirí a bheidh faoi réir na n-oibleagáidí faoin gCaibidil seo don bhliain lena mbaineann i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 72(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

Beidh feidhm ag an oibleagáid faoin mír sin ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach nó, más iomchuí, ar an leibhéal foréigiúnach. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go gcuirfidh siad oibleagáid i bhfeidhm go gcaithfear féarthailte buana a choinneáil ar leibhéal an ghabháilais chun a áirithiú nach dtitfidh cóimheas na bhféarthailte buana níos mó ná 5 %. Déanfaidh na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún i leith aon chinnidh den sórt sin faoin 1 Lúnasa 2014.

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin gcóimheas thagartha agus faoin gcóimheas dá dtagraítear sa mhír seo.

3. I gcás ina suítear go bhfuil an cóimheas dá dtagraítear i mír 2 tar éis laghdú níos mó ná 5 % ar an leibhéal réigiúnach nó foréigiúnach nó, i gcás inarb infheidhme, ar an leibhéal náisiúnta, déanfaidh an Ballstáit lena mbaineann oibleagáidí a fhorchur ar leibhéal an ghabháilais, i ndáil le talamh a ath-thiontú ina fhéarthailte buana do na feirmeoirí sin a mbeidh talamh ar fáil acu a tiontaíodh ó thalamh faoi fhéarach buan nó ó fhéarthailte buana ina thalamh le haghaidh úsáidí eile le linn tréimhse san aimsir a caitheadh 70.

Ach i gcás ina gcoinneofar méid limistéir na bhféarthailte buana i ndearbhthéarmaí a bunaíodh i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír de mhír 2 laistigh de theorainneacha áirithe, measfar go bhfuil an oibleagáid a leagtar amach sa chéad fhomhír de mhír 2 comhlíonta.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 3 i gcás inar toradh ar athfhoraoisiú é aon laghdú faoin tairseach, ar athfhoraoisiú é atá ag teacht leis an gcomhshaol agus nach n-áireofar leis fáschoillte de gharráin ghearruainíochta, de chrainn Nollag ná de chrainn a fhásann go tapa agus a shaothraítear ar mhaithe le giniúint fuinnimh.

5. Chun a áirithiú go gcoinneofar cóimheas na bhféarthailte buana, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 lena leagfar síos rialacha mionsonraithe i ndáil le féarthailte buana, lena n-áirítear rialacha i ndáil le hath-thiontú i gcás nach gcomhlíonfar an oibleagáid i mír 1 den Airteagal seo, rialacha a mbeidh feidhm acu maidir leis na Ballstáit i ndáil le hoibleagáid a bhunú ar leibhéal an ghabháiltais maidir le féarthailte buana dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3 a choinneáil agus maidir le haon choigeartú ar an gcóimheas tagartha dá dtagraítear i mír 2 a mbeadh gá leis.

6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70:

- (a) ag leagadh síos an creat faoina ndéanfar an t-ainmniúchán maidir le limistéir íogaire eile dá dtagraítear sa dara fhomhír de mhír 1 den Airteagal seo;
- (b) ag bunú modhanna mionsonraithe chun cóimheas na bhféarthailte buana a chinneadh, mar aon leis an limistéar talmhaíochta iomlán nach mór a choinneáil de bhun mhír 2 den Airteagal seo;
- (c) ag sainiú an tréimhse san aimsir a caitheadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 3 den Airteagal seo.

7. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena socrófar na teorainneacha dá dtagraítear sa dara fhomhír de mhír 3 den Airteagal seo. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 71(2).

Airteagal 46

An limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht

1. I gcás ina gcumhdóidh talamh arúil an ghabháiltais níos mó ná 15 heicteár áiritheoidh na feirmeoirí, ón 1 Eanáir 2015 ar aghaidh, gur limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht é limistéar a bheidh ag comhfhreagairt do 5 % ar a laghad de thalamh arúil an ghabháiltais a dhearbhaigh an feirmeoir i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 72(1) de Rialachán (AE) Uimh 1306/2013 agus lena n-áirítear na limistéir a luaitear i bpointí (c), (d), (h) agus (h) de mhír 2 den Airteagal seo, má mheasann an Ballstát mar limistéir faoi féarthailte buana iad i gcomhréir leis an mír sin.

Féadfar an céatadán dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a mhéadú ó 5 % go 7 % ag gníomh reachtach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 43(2) den Chonradh.

Tíolacfaidh an Coimisiún, faoin 31 Márta 2017, tuarascáil mheastóireachta i ndáil le cur chun feidhme chéad fhomhír na míre seo, a mbeidh, i gcás inarb iomchuí, togra le haghaidh gnímh reachtaigh ag gabháil leis mar a thagraítear dó sa dara fhomhír.

2. Cinnfidh na Ballstáit, faoin 1 Lúnasa 2014, go meastar ceann amháin nó níos mó de na limistéir seo a leanas mar limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht:

- (a) talamh a fhágtar bán;
- (b) ardáin;
- (c) gnéithe tírdhreacha, lena n-áirítear na gnéithe sin atá taobh le talamh arúil an ghabháiltais; de mhaolú ar Airteagal 43(1) den Rialachán seo, féadfar a áireamh orthu sin gnéithe tírdhreacha nach n-áirítear sa limistéar incháilithe i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 76(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013;
- (d) stráicí maoláin, lena n-áirítear stráicí maoláin atá cumhdaithe le féarthailte buana, ar an gcoinníoll nach ionann iad agus an limistéar talmhaíochta incháilithe atá taobh leo;
- (e) heicteáir agraforaoiseachta a fhaigheann nó a bhfuair tacaíocht faoi Airteagal 44 de Rialachán (AE) Uimh. 1698/2005 agus/nó Airteagal 23 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 nó a bhfuil tacaíocht faighte acu faoi na forálacha sin;
- (f) stráicí de heicteáir incháilithe feadh imeall foraoise;
- (g) limistéir ina bhfuil garráin ghearruainíochta nach n-úsáidtear aon leasachán mianrach ná táirgí cosanta plandaí iontu;
- (h) limistéir choillithe dá dtagraítear i bpointe (b) (ii) d'Airteagal 32(2) den Rialachán seo;
- (i) limistéir a bhfuil barra breise, nó cumhdú glas iontu a bunaíodh de bharr síolta a cuireadh agus a phéac, faoi réir chur i bhfeidhm na bhfachtóirí ualaithe dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo;
- (j) limistéir ina bhfuil barra fosaithe nítrigine.

Cé is moite de limistéir an ghabháiltais dá dtagraítear i bpointe (g) agus i bpointe (h) den chéad fhomhír den mhír seo, is ar thalamh arúil an ghabháiltais a bheidh an limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht, nó i gcás limistéar a luaitear i bpointe (c) agus i bpointe (d) den chéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh freisin an limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht bheith taobh le talamh arúil an ghabháiltais a dhearbhaigh an feirmeoir i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 72(1) de Rialachán Uimh. 1306/2013.

3. D'fhonn an riarachán a shimpliú agus saintréithe na cineálacha limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht a liostaítear sa chéad fhomhír de mhír 2 a chur san áireamh agus d'fhonn gurbh fhusa iad a thomhas, féadfaidh na Ballstáit, agus líon iomlán na heicteár atá sa limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht de chuid gabháltais á ríomh acu, úsáid a bhaint as na fachtóirí tiontaithe agus/nó ualaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn X. I gcás ina gcinneadh Ballstát go measfar gur limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht é pointe (i) den chéad fhomhír de mhír 2 nó aon limistéar eile atá faoi réir ualú ar lú é ná 1, beidh sé éigeantach na fachtóirí ualaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn X a úsáid.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le gabháltais:

(a) ina n-úsáidfeadh níos mó ná 75 % den talamh arúil chun féar nó foráiste luibheach eile a tháirgeadh nó gur talamh bán atá ann, nó go n-úsáidfeadh é chun barraí léagúmacha a shaothrú nó inar teaglam de na húsáidí sin atá ann, ar an gcoinníoll nach mó ná 30 heicteár an talamh arúil nach gcumhdaítear leis na húsáidí sin;

(b) inarb ionann níos mó ná 75 % den limistéar talmhaíochta incháilithe agus féarthailte buana, ina n-úsáidfeadh é chun féara nó foráiste luibheach eile a tháirgeadh nó chun barra a bhíonn faoi uisce ar feadh chuid shuntasach den bhliain nó chuid shuntasach de thimthriall na mbarr a shaothrú, nó inar teaglam de na húsáidí sin atá ann, ar an gcoinníoll nach mó ná 30 heicteár an talamh arúil nach gcumhdófar leis na húsáidí sin.

5. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh suas le leath na bpointí céatadán den limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a chur chun feidhme ar an leibhéal réigiúnach chun limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht a bheidh taobh lena chéile a fháil. Ainmneoidh na Ballstáit na limistéir agus na hoibleagáidí a bheidh ar fheirmeoirí nó ar ghrúpaí d'fheirmeoirí a bheidh rannpháirteach. Is é is aidhm le hainmniúchán na limistéir agus leis na hoibleagáidí go mbeadh siad mar bhonn agus taca ag cur chun feidhme bheartais an Aontais maidir leis an gcomhshaol, leis an aeráid agus leis an mbithéagsúlacht.

6. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh feirmeoirí a bhfuil a ngabháltais i ngaireacht dá chéile a cheadú an oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh go comhchoiteann ("cur chun feidhme comhchoiteann"), ar an gcoinníoll gur tadhlaigh lena chéile na limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht. D'fhonn tacú le cur chun feidhme bheartais an Aontais i ndáil leis an gcomhshaol, leis an aeráid agus leis an mbithéagsúlacht, féadfaidh na Ballstáit limistéir a ainmniú ina mbeifear in ann cur chun feidhme comhchoiteann a dhéanamh agus féadfaidh siad breis oibleagáidí a chur ar na feirmeoirí nó ar na grúpaí d'fheirmeoirí a bheidh páirteach sa chur chun feidhme comhchoiteann sin.

Gach feirmeoir a ghlacfaidh páirt i gcur chun feidhme comhchoiteann, áiritheoidh sé gur suite ar thalamh a ghabháltais féin a bheidh 50 % ar a laghad den limistéar atá faoi réir na hoibleagáide i mír 1 agus i gcomhréir leis an dara fhomhír de mhír 2. Ní mó ná deich a bheidh ar líon na bhfeirmeoirí a bheidh rannpháirteach i gcur chun feidhme comhchoiteann den sórt sin.

7. Na Ballstáit sin ina mbeidh níos mó ná 50 % d'achar dromchla iomlán an talaimh cumhdaithe le foraois, féadfaidh siad a chinneadh nach mbeidh feidhm ag mír 1 den Airteagal

seo maidir le gabháltais atá suite i limistéir a ainmneoidh na Ballstáit mar limistéar atá faoi shriant nádúrtha i gcomhréir le pointe (a) nó pointe (b) d'Airteagal 32(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, ar an gcoinníoll go mbeidh níos mó ná 50 % de limistéar dhromchla an talaimh den aonad dá dtagraítear sa dara fhomhír den mhír seo cumhdaithe le foraois agus gur airde cóimheas an talaimh faoi fhoraois don talamh talmhaíochta ná 3:1.

Measúnófar an limistéar atá cumhdaithe le foraois agus an cóimheas idir talamh foraois agus talamh talmhaíochtae ar leibhéal limistéir a bheidh coibhéiseach leis an leibhéal LAU2 nó ar leibhéal aonaid shoiléir eile a chumhdóidh an t-aon limistéar geografach, tadhlaigh, soiléir amháin a bhfuil dálaigh talmhaíochta comhchosúla ann.

8. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na cinntí dá dtagraítear i mír 2 faoin 1 Lúnasa 2014, agus faoi aon chinntí dá dtagraítear in mír 3, 5, 6 nó 1d faoin 1 Lúnasa den bhliain roimh dóibh iarratas a dhéanamh.

9. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70:

(a) lena leagfar síos critéir do na cineálacha limistéar dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo le bheith cáilithe mar limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht;

(b) lena gcuirfeadh isteach cineálacha eile limistéar seachas iad siúd dá dtagraítear i mír 2 a fhéadtar a chur san áireamh chun an céatadán dá dtagraítear sa mhír sin a urramú;

(c) lena gcuirfeadh Iarscríbhinn X in oiriúint chun na fachtóirí tiontaithe dá dtagraítear i mír 3 a bhunú agus chun na critéir agus/nó na cineálacha limistéar a bheidh le sainiú ag an gCoimisiún faoi phointe(a) agus (b) den mhír seo a chur san áireamh;

(d) lena leagfar síos na rialacha maidir leis an gcur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5 agus i mír 6 a bhunú, lena n-áirítear íoscheanglais maidir le cur chun feidhme den sórt sin;

(e) lena mbunófar an creat ina bhfuil na Ballstáit chun na critéir a bheidh le comhlíonadh ag na gabháltais chun go measfar iad a bheith i ngaireacht dá chéile chun críocha mhír 6 a shainiú;

(f) lena mbunófar na modhanna chun an ceatadán d'achar dromchla iomlán an talaimh atá cumhdaithe le foraois agus an cóimheas idir talamh foraoise agus talamh talmhaíochta dá dtagraítear i mír 7 a chinneadh.

Airteagal 47

Forálacha airgeadais

1. Chun an íocaíocht dá dtagraítear sa Chaibidil seo a mhaoiniú, úsáidfidh na Ballstáit 30 % den uasteorainn náisiúnta bhliantúil a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

2. Cuirfidh na Ballstáit an íocaíocht dá dtagraítear sa Chaibidil seo i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta.

Agus Airteagal 23 á chur i bhfeidhm acu, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an íocaíocht a chur i bhfeidhm ar an leibhéal réigiúnach. I gcás mar sin, úsáidfidh siad i ngach réigiún sciar na huasteorann a socraíodh de bhun mhír 3 den Airteagal seo. I gcás gach réigiúin, ríomhfar an sciar sin tríd an uasteorainn réigiúnach faoi seach arna bunú i gcomhréir le Airteagal 23(2), a roinnt ar an uasteorainn náisiúnta arna bunú i gcomhréir le hAirteagal 22(1) tar éis an laghdú líneach dá bhforáiltear i mír 1 d'Airteagal 30 a asbhaint sa chás nach gcuirfear mír (2) den Airteagal sin i bhfeidhm.

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena socrófar ar bhonn bliantúil, na huasteorainneacha atá chomhfhreagrach don íocaíocht dá dtagraítear sa Chaibidil seo. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 71(2).

CAIBIDIL 4

Íocaíocht do limistéir atá faoi shrianta nádúrtha

Airteagal 48

Rialacha ginearálta

1. Féadfaidh na Ballstáit íocaíocht a dheonú ar fheirmeoirí atá i dteideal íocaíochta faoi scéim na híocaíochta bunúsai nó faoin scéim íocaíochta aonair limistéir dá dtagraítear i gCaibidil 1 a bhfuil a ngabháltais suite ina n-íomláine nó i bpáirt i limistéir atá faoi shrianta nádúrtha a d'ainmnigh na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 32(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 (Íocaíocht do limistéir atá faoi shrianta nádúrtha)

2. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an íocaíocht a dheonú do limistéir atá faoi shrianta nádúrtha ar na limistéir ar fad a thagann faoi raon feidhme mhír 1 nó an íocaíocht a theorannú do roinnt de na limistéir sin, sin, ar bhonn critéar oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach.

3. Gan dochar do mhír 2 den Airteagal seo, do chur i bhfeidhm an smachta airgeadais ná an laghdú ar íocaíochtaí díreacha i gcomhréir le hAirteagal 11 agus do chur i bhfeidhm na laghduithe líneacha i gcomhréir le hAirteagal 7 den Rialachán seo ná do chur i bhfeidhm Airteagal 63 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, deonófar an íocaíocht do limistéir atá faoi shrianta nádúrtha ar bhonn bliantúil in aghaidh an heicteáir incháilithe atá suite sna limistéir dar chinn Ballstát íocaíocht a dheonú i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo. Íocfar í ar ghníomhachtú na dteidlíochtaí íocaíochta i ndáil leis na heicteáir sin atá i seilbh an fheirmeora sin lena mbaineann nó, i mBallstáit a bhfuil Airteagal 36 den Rialachán seo á chur i bhfeidhm acu, nuair a dhearbhoídh an feirmeoir lena mbaineann na heicteáir incháilithe sin.

4. Ríomhfar an íocaíocht do limistéir atá faoi shrianta nádúrtha in aghaidh an heicteáir tríd an méid a fhaightear de thoradh chur i bhfeidhm Airteagal 49 a roinnt ar líon na heicteáir incháilithe a dearbhaíodh i gcomhréir le hAirteagal 33(1) nó, i nó le hAirteagal 36 (2) atá suite sna limistéir ar

chinn Ballstát íocaíocht a dheonú dóibh i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo.

Ar bhonn critéar oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach, féadfaidh na Ballstáit uasmhéid heicteáir in aghaidh an ghabháltais a leagan amach a bhféadfar tacaíocht faoin gCaibidil seo a dheonú ina leith.

5. Féadfaidh na Ballstáit an íocaíocht do limistéir atá faoi shrianta nádúrtha a chur i bhfeidhm ar an leibhéal réigiúnach faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa mhír seo ar an gcoinníoll gur shainaithin siad na réigiúin lena mbaineann i gcomhréir le critéir oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha agus, go háirithe, lena srianta nádúrtha, lena n-áirítear déine na srianta sin, agus a ndálaí agranamaíochta.

Roinnfidh na Ballstáit an uasteorainn náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 49(1) idir na réigiúin i gcomhréir le critéir oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha.

Ríomhfar an íocaíocht do limistéir atá faoi shrianta nádúrtha a dhéanfar ar an leibhéal réigiúnach tríd an uasteorainn réigiúnach a ríomhtar i gcomhréir leis an dara fómhír den mhír seo a roinnt ar líon na heicteáir incháilithe a dearbhaíodh sa limistéir faoi seach i gcomhréir le hAirteagal 33(1) nó hAirteagal 36(2) atá suite sna limistéir ar chinn Ballstát íocaíocht a dheonú dóibh i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo.

Airteagal 49

Forálacha airgeadais

1. Chun íocaíocht do limistéir atá faoi shrianta nádúrtha a mhaoiniú, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, faoin 1 Lúnasa 2014, suas le 5 % den uasteorainn náisiúnta bhliantúil atá leagtha amach in Iarscríbhinn II a úsáid. Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi aon chinneadh den sórt sin faoin dáta sin.

Féadfaidh na Ballstáit, faoin 1 Lúnasa 2016, athbheithniú a dhéanamh ar a gcinneadh le héifeacht ón 1 Eanáir 2017. Cuirfidh siad an céatadán athbheithnithe in iúl don Choimisiún faoin 1 Lúnasa 2016.

2. Ar bhonn an chéatadáin den uasteorainn náisiúnta a bheidh le húsáid ag na Ballstáit de bhun mhír 1, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmilgthe lena socrófar na huasteorainneacha comhfhreagracha don íocaíocht do limistéir atá faoi shrianta nádúrtha ar bhonn bliantúil trí bhithin gníomhartha tarmilgthe. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 71(2).

CAIBIDIL 5

Íocaíocht d'fheirmeoirí óga

Airteagal 50

Rialacha ginearálta

1. Deonóidh na Ballstáit íocaíocht bhliantúil ar fheirmeoirí óga a bheidh i dteideal íocaíochta faoi scéim na híocaíochta bunúsai nó faoin scéim íocaíochta aonair limistéir dá dtagraítear i gCaibidil 1 (íocaíocht d'fheirmeoirí óga).

2. Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn "feirmeoirí óga" daoine nádúrtha:

(a) a bhfuil gabhálas talmhaíochta á bhunú acu den chéad uair agus iadsan i gceannas ar an ngabháltas sin, nó a bhfuil gabhálas mar sin bunaithe acu sna cúig bliana sular cuireadh isteach an chéad iarratas ar scéim na híocaíochta bunúsaí nó ar an scéim íocaíochta aonair limistéir dá dtagraítear in Airteagal 72(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013; agus

(b) nach sine iad ná 40 bliain d'aois sa bhliain inar cuireadh isteach an t-iarratas dá dtagraítear i bpointe (a).

3. Féadfaidh na Ballstáit critéir incháilitheachta oibiachtúla agusneamhírdhealaitheacha eile d'fheirmeoirí óga a bheidh ag cur isteach ar an íocaíocht d'fheirmeoirí óga a shainiú tuilleadh maidir leis na scileanna agus/nó na ceanglais oiliúna iomchuí.

4. Gan dochar do chur i bhfeidhm an smachta airgeadais, ná don laghdú ar íocaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 11 agus do chur i bhfeidhm na laghduithe líneacha i gcomhréir le hAirteagal 7 ná do chur i bhfeidhm Airteagal 63 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, deonófar an íocaíocht dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ar bhonn bliantúil nuair a ghníomhachtóidh an feirmeoir na teidlíochtaí íocaíochta nó, i mBallstáit a bhfuil Airteagal 36 den Rialachán seo á chur i bhfeidhm acu, nuair a dhearbhóidh an feirmeoir na heicteáir incháilithe.

5. Deonófar an íocaíocht íocaíocht d'fheirmeoirí óga ar gach feirmeoir ar feadh uastréimhse cúig bliana. Déanfar an tréimhse sin a laghdú de réir an lín bhlianta idir an bunú dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír agus an tráth ar cuireadh isteach an chéad iarratas le haghaidh íocaíochta d'fheirmeoirí óga.

6. Gach bliain, ríomhfaidh na Ballstáit nach mbeidh Airteagal 36 á chur i bhfeidhm acu, méid na híocaíochta d'fheirmeoirí óga trí líon na dteidlíochtaí a bheidh gníomhachtaithe ag an bhfeirmeoir i gcomhréir le hAirteagal 32(1), a iolrú faoi uimhir a bheidh ag comhfhreagairt do:

(a) 25 % de mheánluach na dteidlíochtaí íocaíochta, a bheidh i seilbh an fheirmeora ar leis iad nó atá ar léas aige; nó

(b) 25 % den mhéid a gheofar trí chéatadán seasta den uasteorainn náisiúnta don bhliain féilire 2019, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II, a roinnt ar líon na heicteáir incháilithe ar fad a dhearbhófar in 2015 i gcomhréir le hAirteagal 33(1). Beidh an céatadán seasta comhionann le sciar na huasteorainn náisiúnta atá fágtha do scéim na híocaíochta bunúsaí i gcomhréir le hAirteagal 22(1) i gcomhair 2015.

7. Ríomhfaidh na Ballstáit a mbeidh Airteagal 36 á chur i bhfeidhm acu méid na híocaíochta d'fheirmeoirí óga gach bliain trí uimhir a bheidh ag comhfhreagairt do 25 % den íocaíocht

aonair limistéir a ríomhadh i gcomhréir le hAirteagal 36 a iolrú faoi líon na heicteáir incháilithe a dhearbhaigh an feirmeoir i gcomhréir le hAirteagal 36(2).

8. De mhaolú ar mhír 6 agus ar mhír 7, féadfaidh Ballstáit méid na híocaíochta d'fheirmeoirí óga a ríomh trí uimhir a bheidh ag comhfhreagairt do 25 % den mheáníocaíocht náisiúnta in aghaidh an heicteáir a iolrú faoi líon na dteidlíochtaí a bheidh gníomhachtaithe ag an bhfeirmeoir i gcomhréir le hAirteagal 32(1) nó faoi líon na heicteáir incháilithe a bheidh gníomhachtaithe ag an bhfeirmeoir i gcomhréir le hAirteagal 36(2).

Ríomhfar an mheáníocaíocht in aghaidh an heicteáir tríd an uasteorainn náisiúnta don bhliain féilire 2019, a leagtar amach in Iarscríbhinn II, a roinnt ar líon na heicteáir incháilithe a dhearbhófar in 2015 i gcomhréir le hAirteagal 33(1) nó le hAirteagal 36(1a).

9. Socróidh na Ballstáit uasteorainn aonair a bheidh infheidhme maidir le líon na dteidlíochtaí íocaíochta a ghníomhachtaithe an feirmeoir nó maidir le líon na heicteáir incháilithe a dhearbhaigh an feirmeoir. Ní bheidh an uasteorainn sin níos lú ná 25 ná níos mó ná 90. Agus mír 6, mír 7 agus mír 8 á gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit urramóidh siad an uasteorainn sin.

10. In áit míreanna 6 go 9 a chur i bhfeidhm, féadfaidh na Ballstáit cnapshuim bhliantúil a leithdháileadh in ghaidh an fheirmeora, agus í á ríomh trí líon seasta de heicteáir a iolrú faoi uimhir a bheidh ag comhfhreagairt do 25 % den mheáníocaíocht náisiúnta in aghaidh an heicteáir mar a bhunófar i gcomhréir mír 8.

An líon seasta heicteáir dá dtagraítear san fhómhír thuas, ríomhfar é trí líon iomlán na heicteáir incháilithe a dhearbhóidh na feirmeoirí óga, de bhun Airteagal 33(1) nó Airteagal 36(2), a bheidh ag cur isteach ar an íocaíocht d'fheirmeoirí óga in 2015, a roinnt ar líon iomlán na bhfeirmeoirí óga a bheidh tar éis cur isteach ar an íocaíocht sin in 2015.

Féadfaidh Ballstát an líon seasta heicteáir a athríomh áfach aon bhliain i ndiaidh 2015 sa chás ina mbeidh athruithe suntasacha ann i líon na bhfeirmeoirí óga a bheidh ag cur isteach ar an íocaíocht nó i méid ghabhálaí na bhfeirmeoirí óga, nó an dá rud.

Ní bheidh an cnapshuim bhliantúil a fhéadfar a dheonú ar feirmeoir níos mó ná méid iomlán a bhuníocaíochta sa bhliain áirithe sin sara gcuirfeair Airteagal 63 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 i bhfeidhm.

11. D'fhonn cosaint chearta na dtairbhíthe a ráthú agus ionas nach ndéanfar idirdhealú eatarthu, cumhachtófar an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 maidir leis na dálaí faoina bhféadfar a mheas go bhfuil duine dlítheanach incháilithe an íocaíocht d'fheirmeoirí óga a fháil.

*Airteagal 51***Forálacha airgeadais**

1. Chun an íocaíocht d'fheirmeoirí óga a mhaoiniú, úsáidfidh na Ballstáit céatadán nach mó é ná 2 % den uasteorainn náisiúnta bhliantúil a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, faoin 1 Lúnasa 2014, an céatadán a mheastar is gá chun an íocaíocht sin a mhaoiniú.

Féadfaidh na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar an gcéatadán measta sin faoin 1 Lúnasa gach bliain, agus beidh éifeacht leis an athbhreithniú sin ón mbliain ina dhiaidh sin. Cuirfidh siad fógra chuig an gCoimisiún maidir leis an gcéatadán athbhreithnithe faoin 1 Lúnasa den bhliain roimh a chur i bhfeidhm.

2. Gan dochar don uasteorainn 2 % a socraítear i mír 1 den Airteagal seo, i gcás ina dtéann méid iomlán na híocaíochta d'fheirmeoirí óga a ndéantar iarratas uirthi i mBallstát i mbliain ar leith thar an uasteorainn a socraítear de bhun mhír 4 den Airteagal seo, agus i gcás inarb ionann an uasteorainn ná an uasmhéid sin, maoineoidh na Ballstáit an difríocht trí bhíthin pointe (f) den chéad fhomhír d'Airteagal 30(7) a chur i bhfeidhm sa bhliain ábhartha, trí laghdú líneach a chur i bhfeidhm ar na híocaíochtaí ar fad atá le deonú do gach feirmeoir i gcomhréir le hAirteagal 32 nó le hAirteagal 36(2), nó sa dá bhealach

3. I gcás ina rachaidh méid iomlán na híocaíochta d'fheirmeoirí óga a ndéantar iarratas uirthi i mBallstát i mbliain ar leith thar an uasteorainn a shocrófar de bhun mhír 4 den Airteagal seo, agus i gcás inarb ionann an uasteorainn sin agus 2 % den uasteorainn náisiúnta bhliantúil a leagtar síos in Iarscríbhinn II, cuirfidh na Ballstáit laghdú líneach i bhfeidhm ar na méideanna a bheidh le híoc de bhun Airteagal 50 chun an uasteorainn sin a chomhlíonadh.

4. Ar bhonn an chéatadán a chuirfidh na Ballstáit in iúl de bhun mhír 1, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena socrófar na huasteorainneacha comhfhreagracha don d'fheirmeoirí óga. ar bhonn bliantúil.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 71(2).

TEIDEAL IV

TACAÍOCHT CHÚPLÁILTE

CAIBIDIL 1

Tacaíocht chúpláilte ar bhonn deonach*Airteagal 52***Rialacha ginearálta**

1. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht chúpláilte a dheonú d'fheirmeoirí faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Chaibidil seo. (dá ngairtear "tacaíocht chúpláilte" sa Chaibidil seo)

2. Féadfar tacaíocht chúpláilte a dheonú do na hearnálacha agus do na táirgí seo a leanas: gránaigh, síolta ola, barra próitéine, léagúim ghráinneacha, líon, cnáib, rís, cnónna, prátaí stáirse, bainne agus táirgí bainne, síolta, caoireoil agus feoil ghabhair, mairteoil agus laofheoil, ola olóige, seiriceáin, farae triomaithe, leannlusanna, biatas siúcra, cána agus siocair, torthaí agus glasraí agus garrán gearruainíochta.

3. Ní fhéadfar tacaíocht chúpláilte a dheonú ach do na hearnálacha sin nó do na réigiúin sin de chuid Ballstáit ina mbainfidh deacrachtaí áirithe le cineálacha sonrath feirmeoireachta nó le hearnálacha sonracha talmhaíochta a mbaineann tábhacht ar leith leo ar chúiseanna eacnamaíochta agus/nó sóisialta agus/nó comhshaoil.

4. De mhaolú ar mhír 3, féadfar tacaíocht chúpláilte a dheonú freisin d'fheirmeoirí:

(a) a raibh teidlíochtaí íocaíochta ar seilbh acu an 31 Nollaig 2014 a deonaíodh i gcomhréir le Roinn 2 de Chaibidil 3 de Theideal III agus le hAirteagal 71m de Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 agus i gcomhréir le hAirteagal 60 agus leis an gceathrú fhomhír d'Airteagal 65 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009; agus

(b) ar feirmeoirí iad nach bhfuil aon heicteáir incháilithe acu chun na teidlíochtaí íocaíochta a ghníomhachtú faoi scéim na híocaíochta bunúsaí dá dtagraítear i gCaibidil 1 de Theideal III den Rialachán seo.

5. Ní féidir tacaíocht chúpláilte a dheonú ach a mhéad is gá chun dreasacht a chruthú na leibhéil reatha táirgthe a choinneáil sna hearnálacha nó sna réigiúin lena mbaineann.

6. Is i bhfoirm íocaíochta bliantúla a bheidh tacaíocht chúpláilte agus deonófar í laistigh de theorainneacha sainithe cainníochtúla agus beidh sí bunaithe ar limistéir sheasta nó ar tháirgeacht sheasta nó ar líon seasta ainmhithe.

7. I gcás duine dhlítheanaigh, nó grúpa daoine nádúrtha nó dlítheanacha, féadfaidh na Ballstáit na teorainneacha dá dtagraítear i mír 6 a chur i bhfeidhm ar leibhéal chomhaltá na ndaoine nó na ngrúpaí dlítheanacha sin i gcás ina bhforálfar leis an dlí náisiúnta do chearta agus d'oibleagáidí na gcomhaltá aonair atá incomparáide le cearta feirmeoirí aonair atá i gceannas ar ghabháltas, go háirithe maidir lena stádas eacnamaíoch, sóisialta agus cánach, ar an gcoinníoll gur chuidigh siad struchtúir thalmhaíochta na ndaoine nó na ngrúpaí dlíthiúla lena mbaineann a neartú.

8. Aon tacaíocht chúpláilte a dheonófar faoin Airteagal seo, beidh sí comhsheasmhach le bearta agus le beartais eile an Aontais.

9. D'fhonn a áirithiú go n-úsáidfeadh cistí an Aontais ar bhealach éifeachtúil agus spriocdhírthe, agus chun cistiú dúbailte faoi ionstraimí tacaíochta cosúla eile a sheachaint, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 lena leagfar síos:

(a) na coinníollacha i ndáil leis an tacaíocht chúpláilte a dheonú,

(b) rialacha maidir le comhsheasmhacht le bearta eile an Aontais agus maidir le tacaíocht a fháil.

Airteagal 53

Forálacha airgeadais

1. Chun an tacaíocht chúpláilte a mhaoiniú, féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh, faoin 1 Lúnasa den bhliain roimh an gcéad bhliain a chuirfear an tacaíocht sin chun feidhme, suas le 8 % dá n-uasteorainn náisiúnta bhliantúil, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III í, a úsáid.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh suas le 13 % den uasteorainn náisiúnta bhliantúil a leagtar amach in Iarscríbhinn II a úsáid, ar an gcoinníoll:

(a) go dtí an 31 Nollaig 2014:

(i) go gcuireann siad i bhfeidhm an scéim íocaíochta aonair limistéir a leagtar síos i dTeideal V de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009

(ii) go maoiníonn siad bearta faoi Airteagal 111 den Rialachán sin, nó

(iii) go gcumhdaítear iad leis an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 69(5), nó, i gcás Mhálta, in Airteagal 69(1) den Rialachán sin leo; agus/nó

(b) go ndéanann siad, le linn bliana amháin ar a laghad sa tréimhse 2010-2014, leithdháileadh ar mhéid is mó ná 5 % den mhéid a bhí ar fáilchun na híocaíochtaí díreacha dá bhforáiltear i dTeideal III, i dTeideal IV, cé is moite de Roinn 6 de Chaibidil 1 de Theideal IV agus Teideal V de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 a dheonú:

(i) chun na bearta a leagtar síos i Roinn 2 de Chaibidil 2 de Theideal III de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 a mhaoiniú,

(ii) chun an tacaíocht dá bhforáiltear i bhfhophointí (i) go (iv) de phointe (a) agus i bpointí (b) agus (e) d'Airteagal 68(1) den Rialachán sin a mhaoiniú, nó

(iii) chun na bearta faoi Chaibidil 1 a mhaoiniú, cé is moite de Roinn 6 de Theideal IV den Rialachán sin.

3. Féadfar an céatadán den uasteorainn náisiúnta bliantúil dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a ardú suas go dhá phointe céatadán i gcás na mBallstát sin a chinnfidh ar a laghad 2 % dá n-uasteorainn náisiúnta bliantúil a úsáid a leagtar amach in Iarscríbhinn II chun tacú le táirgeadh barraí próitéine faoin gCaibidil seo.

4. De mhaolú ar mhír 2, na Ballstáit a rinne, le linn bliana amháin ar a laghad sa tréimhse 2010-2014, níos mó ná 10 % den mhéid a bhí ar fáil acu a leithdháileadh chun na híocaíochtaí díreacha dá bhforáiltear i dTeideal III, Teideal IV, cé is moite de Roinn 6 de Chaibidil 1 de Theideal IV agus Teideal V de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 a dheonú,

(a) chun na bearta a leagtar síos i Roinn 2 de Chaibidil 2 de Theideal III de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009;

(b) chun an tacaíocht dá bhforáiltear i bhfhophointí (i) go (iv) de phointe (a) agus i bpointí (b) agus (e) d'Airteagal 68(1) den Rialachán sin,

(c) nó chun na bearta faoi Chaibidil 1, cé is moite de Roinn 6 de Chaibidil 1 de Theideal IV den Rialachán sin, a mhaoiniú;

féadfaidh na Ballstáit sin cinneadh a dhéanamh níos mó ná 13 % den uasteorainn náisiúnta bhliantúil a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a úsáid, ar fhortheas an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 55 den Rialachán sin.

5. De mhaolú ar na céatadán a leagtar amach i mír 1 go mír 4, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh suas le EUR 3 milliún in aghaidh na bliana a úsáid chun an tacaíocht chúpláilte a mhaoiniú.

6. Féadfaidh na Ballstáit, faoin 1 Lúnasa 2016, athbhreithniú a dhéanamh ar a gcinneadh de bhun mhír 1 go mír 4 agus an méid a leanas a chinneadh, le héifeacht ó 2017:

(a) an céatadán a shocrófar de bhun mhír 1, mhír 2 agus mhír 3 a fhágáil gan athrú, a mhéadú nó a laghdú, laistigh de na teorainneacha a leagtar síos sna míreanna sin i gcás inarb infheidhme, nó an céatadán a shocrófar a fhágáil gan athrú nó a laghdú de bhun mhír 4,

(b) na coinníollacha maidir le deonú na tacaíochta a mhodhnú;

(c) deireadh a chur le deonú na tacaíochta faoin gCaibidil seo.

7. Ar bhonn an chinnidh a ghlacfaidh gach Ballstát de bhun mhír 1 go mír 4 den Airteagal seo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena socrófar na huasteorainneacha comhfhreagracha don tacaíocht chúpláilte ar bhonn bliantúil. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 71(2).

Airteagal 54

Fógra a thabhairt

1. Cuirfidh na Ballstáit fógra chuig an gCoimisiún maidir leis na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 53 faoi na dátaí dá dtagraítear san Airteagal sin. Ach amháin i gcás an chinnidh dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 53(6), áireofar leis an bhfógra sin faisnéis maidir leis na réigiúin a mbeifear ag díriú orthu, leis na cineálacha feirmeoireachta nó earnálacha a roghnaíodh agus leis an leibhéal tacaíochta a bheidh le deonú.

2. Áireofar freisin sna cinntí dá dtagraítear in Airteagal 53(2) agus (4) nó, nuair is iomchuí, i bpointe (a) d'Airteagal 53(6), cur síos mionsonraithe ar chás sonracha an réigiúin a mbeifear ag díriú air agus ar thréithe ar leith na gcineálacha feirmeoireachta nó na n-earnálacha talmhaíochta sonracha, arb iad is cúis leis an gcéatadán dá dtagraítear in Airteagal 53(1) a bheith neamhleordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí dá dtagraítear in Airteagal 52(3), agus is údar le leibhéal méadaithe tacaíochta a chur ar fáil.

*Airteagal 55***Formheas ón gCoimisiún**

1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 71 (2) nó (3) a chur i bhfeidhm, lena formheasfar an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 53(4) nó, i gcás inarb iomchuí, i bpointe (a) d'Airteagal 53(6), i gcás ina dtaispeánfar gurb ann do cheann amháin de na riachtanais a leanas sa réigiún nó san earnáil lena mbaineann:

- (a) an gá le leibhéal áirithe den táirgeadh sonrath a chothú i ngeall ar easpa roghanna malartacha agus an baol a laghdú go n-éireofaí as táirgeadh agus go mbeadh fadhbanna sóisialta agus/nó comhshaoil ann dá thoradh sin;
- (b) an gá le soláthar iontaofa a chur ar fáil don tionscal áitiúil próiseála, agus iarmhairt dhiúltach shóisialta agus eacnamaíoch aon athstruchtúraithe a d'eascródh as sin a sheachaint;
- (c) an gá leis na míbhuntáistí a bhainfidh d'fheirmeoirí in earnáil ar leith a chúiteamh, míbhuntáistí arb é suaitheadh leantach ar an margadh gaolmhar is cúis leo;
- (d) an gá le hidirghabháil i gcás ina measfar nach leor an tacaíocht eile a bheidh ar fáil faoin Rialachán seo, faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 nó faoi aon scéim Státchabhrach formheasta eile chun na riachtanais dá dtagraítear i bpointe (a), pointe (b) agus pointe (c) den mhír seo a chomhlíonadh.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos rialacha maidir leis an nós imeachta i ndáil leis na cinntí dá dtagraítear i mír 1 den mhír seo a mheasúnú agus a fhorghnó. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 71(2).

CAIBIDIL 2

Íocaíocht i leith bairr shonraigh le haghaidh cadáis*Airteagal 56***Raon feidhme**

Deonófar cabhair ar fheirmeoirí a tháirgeann cadás a thagann faoi chód AC 5201 00 faoi na coinníollacha a leagtar amach sa Chaibidil seo ("íocaíocht i leith bairr shonraigh le haghaidh cadáis").

*Airteagal 57***Incháilitheacht**

1. Deonófar an íocaíocht i leith bairr shonraigh le haghaidh cadáis in aghaidh an heicteáir de limistéar incháilithe cadáis. Ní bheidh an limistéar sin incháilithe ach amháin má bhíonn sé lonnaithe ar thalamh talmhaíochta a údaróidh an Ballstát le haghaidh táirgthe cadáis, má bhíonn cineálacha cadáis a údaróidh an Ballstát ann agus má bhainfear an cadás faoi ghnáthchoinníollacha fáis.

Íocfar an íocaíocht i leith bairr shonraigh le haghaidh cadáis as cadás maith cóir atá oiriúnach le díol.

2. Déanfaidh na Ballstát an talamh agus na cineálacha cadáis dá dtagraítear i mír 1 a údarú i gcomhréir leis na rialacha agus na coinníollacha a bheidh le glacadh de bhun mhír 3.

3. D'fhonn bainistiú éifeachtúil na híocaíochta i leith bairr shonraigh le haghaidh cadáis a áirithiú, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 maidir le rialacha agus coinníollacha i ndáil le talamh agus cineálacha cadáis a údarú chun críocha na híocaíochta i leith bairr shonraigh le haghaidh cadáis.

4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme, lena leagfar síos rialacha maidir leis an nós imeachta chun an talamh agus cineálacha cadáis a údarú chun críocha na híocaíochta i leith bairr shonraigh le haghaidh cadáis agus an nós imeachta chun fógra a bhaineann leis an údarú sin a thabhairt do na táirgeoirí. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 71(2).

*Airteagal 58***Bunlimistéir, táirgeacht sheasta agus méideanna tagartha**

1. Bunaítear na bunlimistéir náisiúnta seo a leanas:

- An Bhulgáir: 3 342 ha,
- An Ghréig: 250 000 ha,
- An Spáinn: 48 000 ha,
- An Phortaingéil: 360 ha.

2. Bunaítear an táirgeacht sheasta a leanas don tréimhse tagartha:

- An Bhulgáir: 1,2 tona/ha,
- An Ghréig: 3,2 tona/ha,
- An Spáinn: 3,5 tona/ha,
- An Phortaingéil: 2,2 tona/ha.

3. Déanfar méid na híocaíochta i leith bairr shonraigh in aghaidh an heicteáir de limistéar incháilithe a ríomh tríd an táirgeacht a bhunaítear i mír 2 a iolrú faoi na méideanna tagartha seo a leanas:

- An Bhulgáir: EUR 584,88 in 2015; agus EUR 649,45 le haghaidh 2016 agus ina dhiaidh sin
- An Ghréig: EUR 234,18
- An Spáinn: EUR 362,15
- An Phortaingéil: EUR 228,00

4. Má sháraíonn an limistéar incháilithe cadáis i mBallstát ar leith i mbliain ar leith an bunlimistéar a bhunaítear i mír 1, déanfar laghdú ar an méid dá dtagraítear i mír 3 don Bhallstát sin i gcomhréir le méid an tsáraithe ar an mbunlimistéar.

5. Chun go bhféadfar an íocaíocht i leith bairr shonraigh le haghaidh cadáis a chur i bhfeidhm, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 maidir le rialacha agus coinníollacha i ndáil leis an íocaíocht sin a dheonú agus i ndáil leis na riachtanais incháilitheachta agus i ndáil le cleachtais agranamaíocha.

6. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos rialacha maidir le ríomh an laghdúithe dá bhforáiltear i mír 4. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 71(2).

Airteagal 59

Eagraíochtaí idirchraoibhe formheasta

1. Chun críche na Caibidle seo, ciallaíonn "eagraíocht idirchraoibhe fhorhheasta" eintiteas dlíthiúil ina bhfuil feirmeoirí a tháirgeann cadás agus scilligeoir cadáis amháin ar a laghad, a bhíonn i mbun na ngníomhaíochtaí a leanas:

- cuidiú le comhordú níos fearr a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear cadás ar an margadh, go háirithe trí staidéir thaighde agus suirbhéanna a dhéanamh ar an margadh;
- foirmeacha caighdeánacha conartha atá ag luí le rialacha an Aontais a tharraingt suas;
- táirgeadh a dhírú ar tháirgí atá níos oiriúnaí do riachtanais an mhargaidh agus d'éileamh na dtomhaltóirí, go háirithe ó thaobh cáilíochta agus cosanta tomhaltóirí de;
- modhanna agus bealaí chun cáilíocht táirgí a fheabhsú agus a thabhairt suas chun dáta;
- straitéisí margaíochta a fhorbairt chun cadás a chur chun cinn trí scéimeanna deimhniúcháin cáilíochta.

2. Déanfaidh an Ballstát ina bhfuil na scilligeoirí cadáis bunaithe eagraíochtaí idirchraoibhe a fhorhneas a chomhlíonann na critéir atá le leagan síos de bhun mhír 3.

3. Ionas go ndéanfar chur i bhfeidhm an íocaíocht i leith bairr shonraigh le haghaidh cadáis ar bhealach éifeachtúil a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 lena leagfar síos:

- critéir chun eagraíochtaí idirchraoibhe a fhorhneas;
- oibleagáidí atá ar tháirgeoirí;
- rialacha lena rialaítear an cas nach gcomhlíonann an eagraíocht idirchraoibhe fhorhheasta na critéir dá dtagraítear i bpointe (a).

Airteagal 60

Deonú na híocaíochta

1. Deonófar an íocaíocht i leith bairr shonraigh le haghaidh cadáis ar fheirmeoirí in aghaidh an heicteáir incháilithe, faoi mar a bhunaítear in Airteagal 58 é.

2. I gcás feirmeoirí ar baill iad d'eagraíocht idirchraoibhe fhorhheasta, méideofar an íocaíocht i leith bairr shonraigh le haghaidh cadáis orthu in aghaidh an heicteáir incháilithe laistigh den bhunlimistéar a leagtar síos in Airteagal 58(1), móide EUR 2.

TEIDEAL V

SCÉIM NA BHFEIRMEOIRÍ BEAGA

Airteagal 61

Rialacha ginearálta

1. Féadfaidh na Ballstáit scéim a bhunú d'fheirmeoirí beaga i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Teideal seo ('scéim na bhfeirmeoirí beaga').

Feirmeoirí a bhfuil in 2015 teidlíochtaí íocaíochta ina seilbh nó ar léas acu nó, sna Ballstáit a bhfuil Airteagal 36 á chur i bhfeidhm acu, a mbeidh éileamh á dhéanamh acu ar an scéim íocaíochta aonair limistéir, agus a chomhlíonann na híoscheanglais dá bhforáiltear in Airteagal 10(1), féadfaidh siad rogha a dhéanamh bheith rannpháirteach i scéim na bhfeirmeoirí beaga.

2. Tiocfaidh íocaíochtaí faoi scéim na bhfeirmeoirí beaga in ionad na n-íocaíochtaí a dheonófar de bhun Theideal III agus Theideal IV.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír igcás ina roghnaíonn Ballstát an modh íocaíochta a leagtar amach i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 63(2), beidh feidhm ag na. Sa chás sin, beidh an íocaíocht ag brath ar na coinníollacha a leagtar síos faoi seach i dTeideal III agus i dTeideal, gan dochar do mhír 3 den Airteagal seo.

3. Beidh feirmeoirí a bheidh rannpháirteach i scéim na bhfeirmeoirí beaga díolmhaithe ó na cleachtais talmhaíochta dá bhforáiltear i gCaibidil 3 de Theideal III.

4. Ní dheonófar aon bhuntáiste dá bhforáiltear faoin Teideal seo i bhfabhar feirmeoirí a mbeidh sé suite ina leith, gur chruthaigh siad tar éis an 18 Deireadh Fómhair na coinníollacha go saorga chun tairbhe a bhaint as scéim na bhfeirmeoirí beaga.

Airteagal 62

Rannpháirtíocht

1. Feirmeoirí ar mian leo bheith rannpháirteach i scéim na bhfeirmeoirí beaga, cuirfidh siad iarratas isteach faoi dháta a bheidh le socrú ag na Ballstáit ach tráth nach déanaí ná an 15 Deireadh Fómhair 2015. Ní fhéadfaidh an dáta a shocródh na Ballstáit, áfach, a bheith níos luaithe ná an lá deireanach chun iarratas a chur isteach faoi scéim na híocaíochta bunúsaí nó faoi scéim íocaíochta aonair limistéir.

Feirmeoirí nach ndearna iarratas ar rannpháirtíocht i scéim na bhfeirmeoirí beaga faoin dáta a shocródh an Ballstát, nó a rinne cinneadh tarraingt siar uaidh tar éis an dáta sin, nó a roghnaíodh le haghaidh tacaíochta faoi phointe (c) d'Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, ní bheidh de theideal acu a thuilleadh bheith rannpháirteach sa scéim sin.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go n-áireofar feirmeoirí a bhfuil méid a n-íocaíochtaí díreacha faoi Theideal III agus faoi Theideal IV níos ísle ná an t-uasmhéid a shocróidh na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 63, i scéim na bhfeirmeoirí beaga go huathoibríoch mura dtarraingeoidh siad siar uaidh go sainráite faoin dáta a shocróidh an Ballstát i gcomhréir le mír 1 nó in aon bhliain ina dhiaidh sin. Cuirfidh na Ballstáit a bhainfidh leas as an bhféidearthacht sin na feirmeoirí ábhartha ar an eolas in am agus i dtráth faoina gceart tarraingt siar ón scéim seo.

3. Áiritheoidh gach Ballstát go gcuirfear meastachán de mhéid na híocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 63 in iúl d'fheirmeoirí roimh an dáta chun iarratas a chur isteach nó an dáta aistarraingthe a shocróidh an Ballstát sin.

Airteagal 63

Méid na híocaíochta

1. Socróidh na Ballstáit méid na híocaíochta bliantúla do gach feirmeoir atá rannpháirteach i scéim na bhfeirmeoirí beaga ar cheann amháin de na leibhéil a leanas:

(a) méid nach mó ná 25 % den mheáníocaíocht náisiúnta do gach tairbhí, a bhunóidh na Ballstáit ar bhonn na huasteorann náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinn II don bhliain féilire 2019 agus ar bhonn líon na bhfeirmeoirí a mbeidh na heicteáir incháilithe dearbhaithe acu, de bhun Airteagal 33(1) nó Airteagal 36(1a) in 2015;

(b) méid a fhreagróidh don mheáníocaíocht náisiúnta in aghaidh an heicteáir a mhéadófar faoi fhigiúr a fhreagróidh do líon na heicteár, agus uasmhéid na heicteár nach mbeidh níos mó ná a cúig. Bunóidh na Ballstáit an mheáníocaíocht náisiúnta in aghaidh an heicteáir ar bhonn na huasteorann náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinn II don bhliain féilire 2019 agus ar bhonn líon na heicteár incháilithe a dhearbhfófar i gcomhréir le hAirteagal 33(1) nó le hAirteagal 36(2) in 2015.

Ní bheidh na méideanna dá dtagraítear i bpointí (a) nó (b) den chéad fhomhír níos lú ná EUR 500 ná níos mó ná EUR 1,250.

más lú ná EUR 500 nó más mó ná EUR 1,250 an toradh ar phointe (a) agus ar phointe (b) den chéad fhomhír a chur i bhfeidhm, déanfar an méid a shlánú suas nó síos, faoi seach, chuig an íosmhéid nó chuig an uasmhéid.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh Ballstát a chinneadh an méid a leanas a dheonú d'fheirmeoirí:

(a) méid a bheidh comhionann le luach iomlán na n-íocaíochtaí a bheidh le leithdháileadh ar an bhfeirmeoir gach bliain faoi Theideal III agus Teideal IV, nó

(b) méid a bheidh comhionann le luach iomlán na n-íocaíochtaí a bheidh le leithdháileadh ar an bhfeirmeoir in 2015 faoi Theideal III agus Teideal IV agus a fhéadfaidh na Ballstáit a choigeartú chun na hathruithe ar an uasteorann náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a chur san áireamh ar bhealach comhréireach sna blianta ina dhiaidh sin.

Ní bheidh an méid dá dtagraítear i bpointe (a) no i bpointe (b) den chéad fhomhír níos airde ná méid idir EUR 500 agus EUR 1 250, méid a shocróidh an Ballstát.

I gcás gur lú ná EUR 500 méid na híocaíochta de bharr chur i bhfeidhm phointe (a) nó phointe (b), féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a chinneadh an méid sin a shlánú suas go EUR 500.

3. De mhaolú ar mhír 1 agus ar mhír 2, sa Chipir, sa Chróit, i Málta agus sa tSlóivéin, féadfar an méid dá dtagraítear sna míreanna sin a shocrú ag luach atá níos lú ná EUR 500, ach nach lú ná EUR 200 nó, i gcás Mhálta, nach lú ná EUR 50.

Airteagal 64

Coinníollacha speisialta

1. Fad a bheidh siad rannpháirteach i scéim na bhfeirmeoirí beaga, déanfaidh na feirmeoirí an méid seo a leanas:

(a) líon heicteár incháilithe a choimeád a fhreagraíonn ar a laghad do líon na teidlíochtaí, ar leo iad nó atá ar léas acu, atá ar seilbh acu nó a fhreagraíonn do líon na heicteár incháilithe a dhearbhfófar in 2015 i gcomhréir le hAirteagal 36(2);

(b) an t-íoscheanglas dá bhforáiltear i bpointe (b) d'Airteagal 10(1) a chomhlíonadh.

2. Maidir le feirmeoir atá rannpháirteach i scéim na bhfeirmeoirí beaga, measfar, ar feadh thréimhse rannpháirtíochta an fheirmeora sin sa scéim sin, gur teidlíochtaí gníomhachtaithe iad na teidlíochtaí íocaíochta a ghníomhachtóidh sé in 2015 de bhun Airteagal 32 agus Airteagal 33.

Ní mheasfar gur teidlíochtaí íocaíochta gan úsáid iad, a bheidh le haischur sa chúlchiste náisiúnta nó sna cúlchistí réigiúnacha de réir bhrí phointe (b) de Airteagal 31(1) na teidlíochtaí íocaíochta a bheidh ar seilbh an fheirmeora le linn a rannpháirtíochta sa scéim sin.

Sna Ballstáit a bhfuil Airteagal 36 á chur i bhfeidhm acu, líon na heicteár incháilithe a dhearbhoídh feirmeoir in 2015 i gcomhréir le hAirteagal 36(2) ar feirmeoir é atá rannpháirteach i scéim na bhfeirmeoirí beaga, measfar iad a bheith dearbhaithe ar feadh thréimhse rannpháirtíochta an fheirmeora sa scéim sin.

3. De mhaolú ar Airteagal 34, ní bheidh teidlíochtaí íocaíochta a bheidh ar seilbh feirmeoirí atá rannpháirteach i scéim na bhfeirmeoirí beaga inaistrithe, ach amháin i gcás oidhreachta nó oidhreachta ionchais.

Feirmeoirí a fhaigheann teidlíochtaí íocaíochta de bharr oidhreachta nó oidhreachta ionchais ó fheirmeoir atá rannpháirteach i scéim na bhfeirmeoirí beaga, beidh siad sin incháilithe chun a bheith rannpháirteach sa scéim ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais chun sochar a fháil ó scéim na híocaíochta bunúsaí agus go bhfaigheann siad le hoidhreachta na teidlíochtaí íocaíochta ar fad atá ar seilbh ag an bhfeirmeoir óna bhfaigheann siad na teidlíochtaí íocaíochta.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 1, mír 2 ná ag an gcéad fhomhír de mhír 3 den Airteagal seo i gcás ina roghnaíonn Ballstát an modh fócaíochta a leagtar síos i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 63(2) gan an tríú fhomhír d'Airteagal 63(2), mar aon le mír 1 agus mír 2 den chéad fhomhír de mhír 3 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm.

5. Chun cinnteacht dhlíthiúil a áirithiú, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 lena leagtar amach na coinníollacha chun bheith rannpháirteach sa scéim i gcás go dtagann athrú ar chúinsí an fheirmeora rannpháirtigh.

Airteagal 65

Forálacha airgeadais

1. Chun an íocaíocht dá dtagraítear sa Teideal seo a mhaoiniú, bainfidh na Ballstáit, as na méideanna iomlána a bheidh ar fáil le haghaidh na n-íocaíochtaí faoi seach, a mbeadh na feirmeoirí beaga ina dteideal:

- (a) faoi scéim na híocaíochta bunúsaí nó faoin scéim íocaíochta aonair limistéir dá dtagraítear i gCaibidil 1 de Theideal III
- (b) mar íocaíocht athdháilte dá dtagraítear i gCaibidil 2 de Theideal III;
- (c) mar íocaíocht i leith na geleachtas talmhaíochta chun leasa na haeraíde agus an chomhshaoil dá dtagraítear i gCaibidil 3 de Theideal III;
- (d) mar íocaíocht le haghaidh na limistéir sin a bhfuil srianta nádúrtha iontu dá dtagraítear i gCaibidil 4 de Theideal III;
- (e) mar íocaíocht do na feirmeoirí beaga dá dtagraítear i gCaibidil 5 de Theideal III; agus
- (f) mar thacaíocht chúpláilte dá dtagraítear i dTeideal IV.

I gcás Ballstát a roghnaigh suim na híocaíochta a ríomh de bhun phointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 63(2) i gcás ina mbeidh suim na méideanna sin i gcás feirmeora aonair níos mó ná an t-uasmhéid a bheidh socraithe ag na Ballstáit, déanfar gach méid a laghdú i gcomhréir.

2. Is i gceann amháin nó níos mó de na slite a leanas a mhaoineofar an difríocht idir suim na n-íocaíochtaí ar fad a bheidh dlite faoi scéim na bhfeirmeoirí beaga agus an méid iomlán a mhaoineofar i gcomhréir le mír 1:

- (a) trí Airteagal 30(7) a chur i bhfeidhm sa bhliain ábhartha;
- (b) trí na cistí nár úsáideadh a úsáid sa bhliain ábhartha, chun an íocaíocht a mhaoiniú d'fheirmeoirí óga a leagtar síos i gCaibidil 5 de Theideal III;
- (c) trí laghdú líneach a chur i bhfeidhm ar na híocaíochtaí ar fad a bheidh le deonú i gcomhréir le hAirteagal 32 nó le hAirteagal 36.

3. Seachas i gcás inar roghnaigh an Ballstát méid na híocaíochta bliantúla a shocrú de bhun phointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 63(2), fanfaidh na heilimintí ar a mbunófar na méideanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo mar an gcéanna do thréimhse iomlán rannpháirtíochta an fheirmeora íscéim na bhfeirmeoirí beaga.

4. Más mó ná 10 % den uasteorainn náisiúnta bhliantúil a leagtar amach in Iarscríbhinn II méid iomlán na n-íocaíochtaí atá dlite faoi scéim na bhfeirmeoirí beaga, cuirfidh na Ballstáit laghdú líneach i bhfeidhm ar na méideanna atá le híoc i gcomhréir leis an Teideal sin chun an céatadán sin a urramú, seachas i gcás go bhfuil méid na híocaíochta socraithe acu i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 63(2) gan an tríú fhomhír d'Airteagal 63(2) a chur i bhfeidhm.

Tá feidhm ag an eisceacht chéanna maidir le Ballstáit a mbeidh méid na híocaíochta socraithe acu i gcomhréir le pointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 63(2) gan an tríú fhomhír d'Airteagal 63(2) a fheidhmiú, a mbeidh a uasteorainn náisiúnta arna leagadh amach in Iarscríbhinn II don bhliain 2019 níos airde ná mar a bheidh don bhliain 2015 agus a mbeidh an modh ríomha arna leagadh amach in Airteagal 25(1) nó, Airteagal 36(2), á chur i bhfeidhm acu.

TEIDEAL VI

CLÁIR NÁISIÚNTA UM ATHSTRUCHTÚRÚ D'EARNÁIL AN CHADÁIS

Airteagal 66

An buiséad bliantúil a úsáid le haghaidh na glár um athstruchtúrú

1. I gcás Ballstát a mbeidh an chéad fhomhír d'Airteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 curtha i bhfeidhm acu, aistreofar an buiséad bliantúil ábhartha a bheidh ar fáil de bhun Airteagal 5(1) den Rialachán sin le héifeacht ón 1 Eanáir 2014 agus is éard a bheidh annbreischistí Aontais le haghaidh beart faoin gcláreagrú forbartha tuaithe a mhaoineofar faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.

2. I gcás Ballstát a mbeidh an dara fhomhír d'Airteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 curtha i bhfeidhm acu, áireofar an buiséad bliantúil ábhartha a bheidh ar fáil de bhun Airteagal 5(1) den Rialachán sin ina n-uasteorainneacha náisiúnta le héifeacht ón 1 Eanáir 2017 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

TEIDEAL VII

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

CAIBIDIL I

Fógraí agus Práinn

Airteagal 67

Ceanglais fógartha

1. Chun cur i bhfeidhm oiriúnach na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo a áirithiú, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 maidir leis na bearta riachtanacha i ndáil le fógraí a bheidh le tabhairt ag na Ballstáit don Choimisiún chun críocha an Rialacháin seo, chun críocha íocaíochtaí díreacha a sheiceáil, a rialú agus chun faireachán, meastóireacht agus iniúchóireacht a dhéanamh orthu, nó chun ceanglais a leagtar síos i gcomhaontuithe idirnáisiúnta a chomhlíonadh, ar ceanglais iad a tugadh i gcrích le cinneadh ón gComhairle, lena n-áirítear ceanglais maidir le fógra a thabhairt faoi na comhaontuithe sin. Á dhéanamh sin dó, cuirfidh an Coimisiún san áireamh na riachtanais maidir le sonraí agus na sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann idir foinsí sonraí féideartha.

I gcás inarb iomchuí, féadfar an fhaisnéis a gheofar a tharchur chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta agus chuig údarais inniúla tríú tíortha nó í a chur ar fáil dóibh agus féadfar í a phoiblíú, faoi réir cosanta sonraí pearsanta agus faoi réir leasa dhlísteanaigh gnóthas agus a rúin ghnó á gcosaint acu.

2. Chun go mbeidh na fógraí dá dtagraítear i mír 1 tapa, éifeachtúil, cruinn agus costéifeachtach, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 lena leagtar síos rialacha breise maidir leis an méid a leanas:

- (a) cineál agus saghas na faisnéise a mbeidh fógra le tabhairt ina taobh;
- (b) na catagóirí sonraí a bheidh le próiseáil agus na huastréimhsí coinneála;
- (c) na cearta rochtana chun na faisnéise nó chun na gcóras faisnéise a chuirfear ar fáil;
- (d) na coinníollacha maidir le foilsíú na faisnéise.

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe lena leagfar síos na nithe a leanas:

- (a) na modhanna chun fógra a thabhairt;
- (b) rialacha maidir leis an bhfaisnéis is gá do chur i bhfeidhm an Airteagail seo a chur ar fáil;
- (c) socruithe le haghaidh bhainistiú na faisnéise a mbeidh fógra le tabhairt ina taobh, chomh maith le rialacha maidir le hábhar, le foirm, le huainiú, le minicíocht agus le spriocamanna na bhfógraí;
- (d) socruithe chun faisnéis agus doiciméid a tharchur chuig na Ballstáit nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta, chuig údarais inniúla tríú tíortha nó chuig an bpobal, nó an fhaisnéis agus na doiciméid sin chur ar fáil dóibh, faoi réir cosanta sonraí pearsanta agus faoi réir leasa dhlísteanaigh feirmeoirí agus gnóthas a rúin ghnó a chosaint.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 71(2).

Airteagal 68

Sonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint

1. Baileoidh na Ballstáit agus an Coimisiún sonraí pearsanta chun na gcriche a leagtar amach in Airteagal 67(1). Ní phróiseálfad siad na sonraí sin ar bhealach nach bhfuil ag luí leis na críocha sin.

2. Nuair a phróiseáiltear sonraí pearsanta chun críche faireacháin agus meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 67(1), beidh siad anaithnid agus próiseálfar i bhfoirm chomhiomlánaithe amháin iad.

3. Próiseálfar sonraí pearsanta i gcomhréir le rialacha Threoir 95/46/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 45/2001. Go háirithe, ní stórálfar na sonraí sin i bhfoirm lena mbeifear in ann ábhair shonraí a aithint go ceann tréimhse níos faide ná mar a bhfuil gá leis ar mhaithe leis an gcúis lenar bailíodh iad nó lena bpróiseálfar tuilleadh iad agus na tréimhsí íosta coinneála a leagtar síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais a bhfuil feidhm leo á gcur san áireamh.

4. Cuirfidh na Ballstáit i bhfios do na daoine is ábhar do na sonraí go bhféadfaidh comhlachtaí náisiúnta agus comhlachtaí an Aontais a sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le mír 1 agus sa mhéid sin gur thig leo tairbhiú de na cearta a leagtar amach faoi seach i dTreoir 95/46/CE agus i Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 faoi seach.

5. Beidh an tAirteagal seo faoi réir Airteagail 111 go 114 i Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

Airteagal 69

Bearta chun fadhbanna sonracha a réiteach

1. Chun fadhbanna sonracha a réiteach, glacfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme a mbeidh gá agus údar leo araon i gcás éigeandála. D'fhéadfadh maolú ar fhorálacha an Rialacháin seo a bheith i gceist leis na gníomhartha cur chun feidhme sin, a mhéad agus a fhad a mbeidh fíorghá leis. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 71(2).

2. I gcás ina n-éileofar sin le forais phráinne a mbeidh údar cuí tugtha leo agus chun fadhbanna sonracha a réiteach agus leanúnachas chóras na n-íocaíochtaí a áirithiú, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme láithreach bonn, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 71(3).

3. Beidh éifeacht ag bearta a ghlacfar faoi mhír 1 nó mír 2 ar feadh tréimhse nach faide ná dhá mhí dhéag. Más ann, tar éis na tréimhe sin, do na fadhbanna sonracha dá dtagraítear sna míreanna sin, féadfaidh an Coimisiún tograí iomchuí reachtach a thíolacadh chun réiteach buan a bhunú.

4. Féadfaidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoi aon bheart a ghlacfar faoi mhír 1 nó faoi mhír 2 laistigh de dhá lá oibre tar éis a ghlacadh.

CAIBIDIL 2

Cumhachtaí a tharmligean agus forálacha cur chun feidhme

Airteagal 70

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún, go ceann tréimhse seacht mbliana ó 1 Eanáir 2014, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 2, Airteagal 4(3), Airteagal 6(3), Airteagal 7(3), Airteagal 8(3), Airteagal 9(5), Airteagal 20(6), Airteagal 35, Airteagal 36(4), Airteagal 39(3), Airteagal 43(12), Airteagal 44(5), Airteagal 45, (5) agus(6), in Airteagal 46(9), Airteagal 50(11), Airteagal 52(9), Airteagal 57(3), Airteagal 58(5), Airteagal 59(3), Airteagal 64(5), Airteagal 67(1) agus (2) agus Airteagal 73. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse seacht mbliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligtean na cumhachta. Déanfar tarmligtean na cumhachta a fhadú go hintuigthe ar feadh tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligtean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2, Airteagal 4(3), Airteagal 6(3), Airteagal 7(3), Airteagal 8(3), Airteagal 9(5), Airteagal 20(6), Airteagal 35, Airteagal 36(6), Airteagal 39(3), Airteagal 43(12), Airteagal 44(5), Airteagal 45, (5) agus(6), in Airteagal 46(9), Airteagal 50(11), Airteagal 52(9), Airteagal 57(3), Airteagal 58(5), Airteagal 59(3), Airteagal 64(5), Airteagal 67(1) agus (2) agus Airteagal 73 a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh cúlghairme cuirfear deireadh leis an tarmligtean cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Beidh éifeacht aige sin ar an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta ina dhiaidh sin a shonrófar inti. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht gníomhartha tarmligthe ar bith a bheidh i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina thaobh sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an tráth céanna.

5. Maidir le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun in Airteagal 2, Airteagal 4(3), Airteagal 6(3), Airteagal 7(3), Airteagal 8(3), Airteagal 9(5), Airteagal 20(6), Airteagal 35, Airteagal 36(6), Airteagal 39(3), Airteagal 43(12), Airteagal 44(5), Airteagal 45, (5) agus(6), in Airteagal 46(9), Airteagal 50(11), Airteagal 52(9), Airteagal 57(3), Airteagal 58(5), Airteagal 59(3), Airteagal 64(5), Airteagal 67(1) agus (2) agus Airteagal 73 ní thiocfaidh sé i bhfeidhm ach i gcás nach ndéanann Parlaimint na Eorpa nó an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de dhá mhí ó fhógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin ngníomh sin, nó más rud é, roimh dhul in éag don tréimhse sin, go bhfuil fógra tugtha ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.

Airteagal 71

An nós imeachta coiste

1. Beidh Coiste dá ngairfear an "Coiste um Íocaíochtaí Díreacha" de chúnadh ag an gCoimisiún. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 24(11), in Airteagal 31(2) agus in Airteagal 67(3), nuair nach dtabharfaidh an coiste tuairim ar bith, ní ghlacfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme agus beidh feidhm ag an tríú fómhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (CE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, in éineacht le hAirteagal 5 den Rialachán sin.

CAIBIDIL 3

Forálacha idirthréimhseacha agus críochnaitheacha

Airteagal 72

Aisghairmeacha

1. Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.

Beidh feidhm aige go dtí an 31 Nollaig 2017, áfach, maidir le Ballstáit a d'fheidhmigh an rogha a leagtar síos sa dara fómhír d'Airteagal 4(1) den Rialachán sin.

2. Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 73/2009.

Gan dochar do mhír 3, déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo nó do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Tagairtí a dhéantar sa Rialachán seo do Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 agus do Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003, tuigfear iad mar thagairtí atá á ndéanamh do na Rialacháin sin mar a bhí i bhfeidhm sular aisghaireadh iad.

Airteagal 73

Rialacha idirthréimhseacha

Chun aistriú rianúil a áirithiú ó na socruithe dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 go dtí na socruithe a leagtar síos sa Rialachán seo, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 maidir leis na bearta is gá chun aon chearta a bheidh faighte ag feirmeoirí agus aon ionchais dhlísteanaacha dá gcuid a chosaint.

Airteagal 74

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2015.

Maidir le hAirteagal 8, Airteagal 9(6), Airteagal 11(6), Airteagal 14, Airteagal 16, Airteagal 21(2) and (3), Airteagal 22(2), an chéad fhomhír d'Airteagal 23(1), Airteagal 23(6), Airteagal 24(10), Airteagal 29, the first subparagraph of Airteagal 36(1), Airteagal 41(1), Airteagal 42(1), Airteagal 43(2) and (13), an ceathrú fomhír d'Airteagal 45(2), Airteagal 46(2) agus (8), Airteagal 49(1), Airteagal 51(1), Airteagal 53, Airteagal 54, Airteagal 66(1), Airteagal 67 agus 70 agus Airteagal 72(1) áfach, beidh feidhm acu ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 17 Nollaig 2013.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
V. JUKNA

IARSCRÍBHINN I

Liosta na scéimeanna tacaíochta

Earnáil	Bunús dlí	Nótaí
Scéim na híocaíochta bunúsaí	Teideal III, Caibidil 1, Ranna 1, 2, 3 agus 5 den Rialachán seo	Íocaíocht dhíchúpláilte
Scéim íocaíochta aonair limistéir	Airteagal 36 den Rialachán seo	Íocaíocht dhíchúpláilte
Íocaíocht athdháilte	Teideal III, Caibidil 2 den Rialachán seo	Íocaíocht dhíchúpláilte
Íocaíocht do chleachtais talmhaíochta chun leasa na haeráide agus an chomhshaoil	Teideal III, Caibidil 3 den Rialachán seo	Íocaíocht dhíchúpláilte
Íocaíocht do limistéir a bhfuil srianta nádúrtha iontu	Teideal III, Caibidil 4 den Rialachán seo	Íocaíocht dhíchúpláilte
Íocaíocht d'fheirmeoirí óga	Teideal III, Caibidil 5 den Rialachán seo	Íocaíocht dhíchúpláilte
Tacaíocht chúpláilte dheonach	Teideal IV, Caibidil 1 den Rialachán seo	
Íocaíocht i leith bairr shonraigh le haghaidh cadáis	Teideal IV, Caibidil 2 den Rialachán seo	Íocaíocht limistéir
Scéim na bhfeirmeoirí beaga	Teideal V den Rialachán seo	Íocaíocht dhíchúpláilte
Posei	Caibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 228/ 2013	Íocaíochtaí díreacha faoi bhearta a bhunaítear sna cláir
Na hOileáin Aeigéacha	Caibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 229/2013	Íocaíochtaí díreacha faoi bhearta a bhunaítear sna cláir

IARSCRÍBHINN II

Uasteorainneacha náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 6

(i mílte EUR)

Bliain féilire	2015	2016	2017	2018	2019 agus an bhliain ina dhiaidh sin
An Bheilg	536 076	528 124	520 170	512 718	505 266
An Bhulgáir	721 251	792 449	793 226	794 759	796 292
Poblacht na Seice	874 484	873 671	872 830	872 819	872 809
An Danmhairg	916 580	907 108	897 625	889 004	880 384
An Ghearmáin	5 144 264	5 110 446	5 076 522	5 047 458	5 018 395
An Eastóin	121 870	133 701	145 504	157 435	169 366
Éire	1 215 003	1 213 470	1 211 899	1 211 482	1 211 066
An Ghréig	2 039 122	2 015 116	1 991 083	1 969 129	1 947 177
An Spáinn	4 842 658	4 851 682	4 866 665	4 880 049	4 893 433
An Fhrainc	7 553 677	7 521 123	7 488 380	7 462 790	7 437 200
An Chróit (*)	130 550	149 200	186 500	223 800	261 100
An Iodáil	3 902 039	3 850 805	3 799 540	3 751 937	3 704 337
An Chipir	50 784	50 225	49 666	49 155	48 643
An Laitvia	195 649	222 363	249 020	275 887	302 754
An Liotuáin	417 890	442 510	467 070	492 049	517 028
Lucsamburg	33 603	33 545	33 486	33 459	33 431
An Ungáir	1 271 593	1 270 410	1 269 187	1 269 172	1 269 158
Málta	5 127	5 015	4 904	4 797	4 689
An Ísiltír	780 815	768 340	755 862	744 116	732 370
An Ostair	693 065	692 421	691 754	691 746	691 738
An Pholainn	2 987 267	3 004 501	3 021 602	3 041 560	3 061 518
An Phortaingéil	565 816	573 954	582 057	590 706	599 355
An Rómáin	1 629 889	1 813 795	1 842 446	1 872 821	1 903 195
An tSlóivéin	137 987	136 997	136 003	135 141	134 278
An tSlóvaic	380 680	383 938	387 177	390 781	394 385
An Fhionlainn	523 333	523 422	523 493	524 062	524 631
An tSualainn	696 890	697 295	697 678	698 723	699 768
An Ríocht Aontaithe	3 555 915	3 563 262	3 570 477	3 581 080	3 591 683

(*) I gcás na Cróite, is é 298 400 000 an uasteorainn náisiúnta don bhliain féilire 2020, 335 700 000 don bhliain féilire 2021 agus 373 000 000 don bhliain féilire 2022

IARSCRÍBHINN III

Glan-uasteorainneacha dá dtagraítear in Airteagal 7

(I milliún EUR)

Bliain féilire	2015	2016	2017	2018	2019 agus an bhliain ina dhiaidh sin
An Bheilg	536,1	528,1	520,2	512,7	505,3
An Bhulgáir	723,6	795,1	795,8	797,4	798,9
Poblacht na Seice	874,5	873,7	872,8	872,8	872,8
An Danmhairg	916,6	907,1	897,6	889,0	880,4
An Ghearmáin	5 144,3	5 110,4	5 076,5	5 047,5	5 018,4
An Eastóin	121,9	133,7	145,5	157,4	169,4
Éire	1 215,0	1 213,5	1 211,9	1 211,5	1 211,1
An Ghréig	2 227,0	2 203,0	2 178,9	2 157,0	2 135,0
An Spáinn	4 903,6	4 912,6	4 927,6	4 941,0	4 954,4
An Fhrainc	7 553,7	7 521,1	7 488,4	7 462,8	7 437,2
An Chróit (*)	130,6	149,2	186,5	223,8	261,1
An Iodáil	3 902,0	3 850,8	3 799,5	3 751,9	3 704,3
An Chipir	50,8	50,2	49,7	49,2	48,6
An Laitvia	195,6	222,4	249,0	275,9	302,8
An Liotuáin	417,9	442,5	467,1	492,0	517,0
Lucsamburg	33,6	33,5	33,5	33,5	33,4
An Ungáir	1 271,6	1 270,4	1 269,2	1 269,2	1 269,2
Málta	5,1	5,0	4,9	4,8	4,7
An Ísiltír	780,8	768,3	755,9	744,1	732,4
An Ostair	693,1	692,4	691,8	691,7	691,7
An Pholainn	2 987,3	3 004,5	3 021,6	3 041,6	3 061,5
An Phortaingéil	566,0	574,1	582,2	590,9	599,5
An Rómáin	1 629,9	1 813,8	1 842,4	1 872,8	1 903,2
An tSlóivéin	138,0	137,0	136,0	135,1	134,3
An tSlóvaic	380,7	383,9	387,2	390,8	394,4
An Fhionlainn	523,3	523,4	523,5	524,1	524,6
An tSualainn	696,9	697,3	697,7	698,7	699,8
An Ríocht Aontaithe	3 555,9	3 563,3	3 570,5	3 581,1	3 591,7

(*) I gcás na Cróite, is é 298 400 000 an uasteorainn náisiúnta don bhliain féilire 2020, is é 335 700 000 don bhliain féilire 2021 agus is é 373 000 000 don bhliain féilire 2022.

IARSCRÍBHINN IV

Comhéifeachtaí le cur i bhfeidhm faoi Airteagal 10(2)

An Ballstát	Teorainn don tairseach EUR (Airteagal 10(1)(a))	Teorainn don tairseach heicteár (Airteagal 10(1)(b))
An Bheilg	400	2
An Bhulgáir	200	0,5
Poblacht na Seice	200	5
An Danmhairg	300	5
An Ghearmáin	300	4
An Eastóin	100	3
Éire	200	3
An Ghréig	400	0,4
An Spáinn	300	2
An Fhrainc	300	4
An Chróit	100	1
An Iodáil	400	0,5
An Chipir	300	0,3
An Laitvia	100	1
An Liotuáin	100	1
Lucsamburg	300	4
An Ungáir	200	0,3
Málta	500	0,1
An Ísiltír	500	2
An Ostair	200	2
An Pholainn	200	0,5
An Phortaingéil	200	0,3
An Rómáin	200	0,3
An tSlóivéin	300	0,3
An tSlóvaic	200	2
An Fhionlainn	200	3
An tSualainn	200	4
An Ríocht Aontaithe	200	5

IARSCRÍBHINN V

Forálacha airgeadais a bhfuil feidhm acu maidir leis an mBulgáir agus leis an Rómáin agus dá dtagraítear in Airteagal 10, Airteagal 16 agus Airteagal 18

A. Méideanna chun pointe (a) d'Airteagal 10(1) a chur i bhfeidhm agus chun na huasteorainneacha náisiúnta d'íocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 16 in 2015a ríomh:

An Bhulgáir: EUR 790 909 000

An Rómain: EUR 1 783 426 000

B. Méid iomlán na n-íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha a rinneadh le scéim na híocaíochta bunúsaí dá dtagraítear in Airteagal 18(1):

An Bhulgáir: EUR 69 657 000

An Rómain: EUR 153 536 000

C. Méid iomlán na n-íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhfhreagracha leis an íocaíocht i leith bairr shonraigh le haghaidh cadáis dá dtagraítear in Airteagal 18(2):

An Bhulgáir: EUR 258 952 000

IARSCRÍBHINN VI

Forálacha airgeadais a bhfuil feidhm acu maidir leis an gCróit agus dá dtagraítear in Airteagal 10 agus in Airteagal 19

A. Méideanna do chur i bhfeidhm pointe (a) d'Airteagal 10(1).

EUR 373 000 000

B. Líon iomlán na n-íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha dá dtagraítear in Airteagal 19(3):

<i>(i mílte EUR)</i>						
2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021
242 450	223 800	186 500	149 200	111 900	74 600	37 300

IARSCRÍBHINN VII

Uasmhéid atá le cur leis na méideanna a leagtar amach in Iarscríbhinn II i gcomhréir le hAirteagal 20(2)

(i mílte EUR)

2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022
3 360	3 840	4 800	5 760	6 720	7 680	8 640	9 600

IARSCRÍBHINN VIII

Meánmhéid an ghabháiltais talmhaíochta a bheidh le cur i bhfeidhm faoi Airteagal 41(4)

An Ballstát	Meánmhéid an ghabháiltais talmhaíochta (heicteáir)
An Bheilg	29
An Bhulgáir	6
Poblacht na Seice	89
An Danmhairg	60
An Ghearmáin	46
An Eastóin	39
Éire	32
An Ghréig	5
An Spáinn	24
An Fhrainc	52
An Chróit	5,9
An Iodáil	8
An Chipir	4
An Laitvia	16
An Liotuáin	12
Lucsamburg	57
An Ungáir	7
Málta	1
An Ísiltír	25
An Ostair	19
An Pholainn	6
An Phortaingéil	13
An Rómáin	3
An tSlóivéin	6
An tSlóvaic	28
An Fhionlainn	34
An tSualainn	43
An Ríocht Aontaithe	54

IARSCRÍBHINN IX

Liosta na gcleachtas dá dtagraítear in Airteagal 43(3)

I. Cleachtais atá comhionann le héagsúlú barr:

(1) Éagsúlú barr

Ceanglas: trí bharr ar a laghad, le huasmhéid 75 % á chumhdach ag an bpríomhbharr, agus ag a bhfuil feidhm ag ceann amháin nó níos mó den méid seo a leanas leis:

- tá ceithre bharr ar a laghad ann,
- tá feidhm ag uastairseacha níos ísle,
- tá rogha barraí níos iomchuí ann, amhail, mar shampla, barraí léagúmacha, próitéine, barraí nach mbeidh uisciú nó cóireálacha lotnaidicídí ag teastáil uathu, de réir mar is iomchuí
- tá éagsúlachtaí réigiúnacha de chineálacha barraí idir sean bharraí agus bharraí traidisiúnta nó barraí atá i mbaol ar 5 % ar a laghad den limistéar a uainítear

(2) Uainíocht na mbarr

Ceanglas: trí bharr ar a laghad, le huasmhéid 75 % á chumhdach ag an bpríomhbharr agus feidhm ag ceann amháin den méid seo a leanas nó an dá cheann:

- leantar sraith barraí agus/nó branar ilbhliantúil a bheidh níos tairbhiúla don chomhshaol,
- tá ceithre bharr ar a laghad ann,

(3) Cumhdach ithreach geimhridh (*)

(4) Barraí breise (*)

II. Cleachtais atá comhionann le féarthailte buana a choinneáil:

(1) Bainistiú móinéar nó féarthailte

Ceanglas: féarthailte buana a choinneáil agus ceann amháin nó níos mó den méid seo a leanas:

- Córas gearrtha nó buainte iomchuí (dátaí, modhanna, teorainneacha),
- Gnéithe tírdhreacha a chothabháil ar fhéarthailte buana agus scrobarnach a rialú,
- Éagsúlachtaí sonracha féir agus/nó córas síolaithe le haghaidh athnuachana ag brath ar chineál na bhféarthailte buana (ní dhéanfar an t-ardluach ó thaobh an dúlra a scrios),
- Aslonnú foráiste nó féir thirim,
- Bainistiú iomchuí d'fhánaí crochta,
- Córas leasachán,
- Srianta maidir le lotnaidicídí

(2) Córais innilte fairsinge

Ceanglas: féarthailte buana a choinneáil agus ceann amháin nó níos mó den méid seo a leanas:

- Innilt fhairsing (uainiú, uasdlús stocála),

(*) Cleachtais a bheidh faoi réir an mhodha ríomha dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 43(12).

- Aoireacht nó tréadachas sléibhe,
- Póir áitiúla nó traidisiúnta a úsáid le hinnilt a dhéanamh ar na féarthailte buana.

III. Cleachtais atá comhionann leis an limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht:

Ceanglas: go gcuirfead aon cheann de na cleachtais seo a leanas i bhfeidhm ar a laghad ar an gcéatadán de talamh arúil a leagtar amach de bhun Airteagal 46(1)

- (1) Talamh a fhágtar ar leataobh ar mhaithe le héiceolaíocht
- (2) "Criosanna maolánacha" a chruthú do limistéir a bhfuil ardluach dúlra ag gabháil leo, do limistéir Natura 2000 nó do láithreáin cosanta bithéagsúlachta eile, lena n-áirítear feadh fála sceach agus uiscebhealaí
- (3) Bainistiú stiallacha maoláin agus imill pháirce (córas gearrtha, éagsúlachtaí féir áitúla nó sonracha agus/nó córas síolaithe, athsiólú lena mbaineann éagsúlachtaí réigiúnacha, gan lotnaidicídí a úsáid, gan aoileach a dhiúscairt agus/nó leasacháin mianraí) gan uisciú, gan séalú ithreach
- (4) Teorainneacha, stiallacha garpháirce agus ceapacha a bhainistítear le haghaidh an fhiadhúlra nó an fhána shonraigh (teorainn luibheach, neadacha a chosaint, stiallacha bláthanna fiáine, meascán áitiúil síolta, barraí neamhshaothraithe)
- (5) Bainistiú (prúnáil, bearradh, dátaí, modhanna, athchóiriú) ar na gnéithe tírdhreacha (crainn, fála sceach, fásra coillteach bruachánach, ballaí cloiche (léibhinn), díoga, locháin)
- (6) Ithreacha arúla móinteacha nó fliucha a choinneáil faoi fhéar (gan úsáid a bhaint as leasacháin agus gan úsáid a bhaint as táirgí cosanta plandaí)
- (7) Táirgeadh ar thalamh arúil gan úsáid a bhaint as leasacháin (leasachán mianraí agus aoileach) agus/nó táirgí cosanta plandaí, nach ndéantar a uisciú, agus nach síoltar leis an mbarr céanna dhá bhliain as a chéile agus áit shocráithe i gceist (*)
- (8) Talamh arúil a aistriú go féarthailte buana a mbaintear úsáid leitheadach astu

IARSCRÍBHINN X

Fachtóirí coinbheartachta agus ualaithe dá dtagraítear in Airteagal 46(3)

Gnéithe	Fachtóir coinbheartaithe	Fachtóir ualaithe	Limistéar EFA
Talamh a fhágtar bán			
Léibhinn			
Gnéithe tírdhreacha			
Stiallacha maolánacha			
Heicteáir agraforaoiseachta			
Stráicí de heicteáir incháilithe feadh imeall foraoise			
Limistéir ina bhfuil garrán gearruainíochta			
Limistéir choilltithe dá dtagraítear in Airteagal 32(2)(b)(ii)			
Limistéir ina bhfuil barraí breise nó cumhdú glas			
Limistéir ina bhfuil barra fosaithe nítrigine			

IARSCRÍBHINN XI

Tábla comhghaoil

dá dtagraítear in Airteagal 72(2)

Rialachán (CE) Uimh. 73/2009	An Rialachán seo	Rialachán(AE) Uimh. 1306/2013
Airteagal 1	Airteagal 1	—
Airteagal 2	Airteagal 4	—
Airteagal 3	Airteagal 5	—
Airteagal 4(1)	—	Airteagal 91
Airteagal 4(2)	—	Airteagal 95
Airteagal 5	—	Airteagal 93
Airteagal 6(1)	—	Airteagal 94
Airteagal 6(2)	—	—
Airteagal 7	—	—
Airteagal 8	Airteagal 7	—
Airteagal 9	—	—
Airteagal 10	—	—
Airteagal 10a	—	—
Airteagal 10b	—	—
Airteagal 10c	—	—
Airteagal 10d	—	—
Airteagal 11	Airteagal 8	Airteagal 26(1) agus (2)
Airteagal 11(3)	Airteagal 8(2)	—
Airteagal 11a	Airteagal 8(3)	—
Airteagal 12(1) agus (2)	—	Airteagal 12
Airteagal 12(3)	—	Airteagal 14
Airteagal 12(4)	—	—
Airteagal 13	—	Airteagal 13(2)
Airteagal 14	—	Airteagal 67
Airteagal 15	—	Airteagal 68(1) agus (2)
Airteagal 16	—	Airteagal 69
Airteagal 17	—	Airteagal 70
Airteagal 18	—	Airteagal 71
Airteagal 19	—	Airteagal 72

Rialachán (CE) Uimh. 73/2009	An Rialachán seo	Rialachán(AE) Uimh. 1306/2013
Airteagal 20	—	Airteagal 74(1), (2) agus (3)
Airteagal 21	—	Airteagal 74(4)
Airteagal 22	—	Airteagal 96
Airteagal 23	—	Airteagal 97
Airteagal 24	—	Airteagal 99
Airteagal 25	—	Airteagal 100
Airteagal 26	—	Airteagal 61
Airteagal 27(1)	—	Airteagal 102(3)
Airteagal 27(2)	—	Airteagal 47
Airteagal 27(3)	—	Airteagal 68(3)
Airteagal 28(1)	Airteagal 10	—
Airteagal 28(2)	Airteagal 9(3)	—
Airteagal 28(3)	Airteagal 31(1)(a) (i) agus (ii)	—
Airteagal 29	—	Airteagal 75
Airteagal 30	—	Airteagal 60
Airteagal 31	—	Airteagal 2(2)
Airteagal 32	Airteagal 15	—
Airteagal 33	—	—
Airteagal 34 (2)	Airteagal 32(2) agus (4)	—
Airteagal 35	Airteagal 33	—
Airteagal 36	—	—
Airteagal 37	Airteagal 12	—
Airteagal 38	—	—
Airteagal 39(1)	Airteagal 32(6)	—
Airteagal 39(2)	Airteagal 35(3)	—
Airteagal 40(1)	Airteagal 6(1)	—
Airteagal 41(1)	Airteagal 30(1)	—
Airteagal 41(2)	Airteagal 30(3) agus (6)	—
Airteagal 41(3)	Airteagal 30(3) agus (7)(a)	—
Airteagal 41(4)	—	—
Airteagal 41(5)	Airteagal 30(10)	—
Airteagal 41(6)	—	—
Airteagal 42	Airteagal 31(1)(b)	—
Airteagal 43(1)	Airteagal 34(1), (2) agus (3)	—

Rialachán (CE) Uimh. 73/2009	An Rialachán seo	Rialachán(AE) Uimh. 1306/2013
Airteagal 43(2)	—	
Airteagal 43(3)	Airteagal 34(4)	—
Airteagal 44	—	—
Airteagal 45	—	—
Airteagal 46	—	—
Airteagal 47	—	—
Airteagal 48	—	—
Airteagal 49	—	—
Airteagal 50	—	—
Airteagal 51	—	—
Airteagal 52	—	—
Airteagal 53	—	—
Airteagal 54	—	—
Airteagal 55	—	—
Airteagal 56	—	—
Airteagal 57	—	—
Airteagal 57a	Airteagal 20 agus Iarscríbhinn VII	—
Airteagal 58	—	—
Airteagal 59	—	—
Airteagal 60	—	—
Airteagal 61	—	—
Airteagal 62	—	—
Airteagal 63	—	—
Airteagal 64	—	—
Airteagal 65	—	—
Airteagal 66	—	—
Airteagal 67	—	—
Airteagal 68	—	—
Airteagal 69	—	—
Airteagal 70	—	—
Airteagal 71	—	—
Airteagal 72	—	—
Airteagal 73	—	—
Airteagal 74	—	—

Rialachán (CE) Uimh. 73/2009	An Rialachán seo	Rialachán(AE) Uimh. 1306/2013
Airteagal 75	—	—
Airteagal 76	—	—
Airteagal 77	—	—
Airteagal 78	—	—
Airteagal 79	—	—
Airteagal 80	—	—
Airteagal 81	—	—
Airteagal 82	—	—
Airteagal 83	—	—
Airteagal 84	—	—
Airteagal 85	—	—
Airteagal 86	—	—
Airteagal 87	—	—
Airteagal 88	Airteagal 56	—
Airteagal 89	Airteagal 57	—
Airteagal 90	Airteagal 58	—
Airteagal 91	Airteagal 59	—
Airteagal 92	Airteagal 60	—
Airteagal 93	—	—
Airteagal 94	—	—
Airteagal 95	—	—
Airteagal 96	—	—
Airteagal 97	—	—
Airteagal 98	—	—
Airteagal 99	—	—
Airteagal 100	—	—
Airteagal 101	—	—
Airteagal 102	—	—
Airteagal 103	—	—
Airteagal 104	—	—
Airteagal 105	—	—
Airteagal 106	—	—
Airteagal 107	—	—
Airteagal 108	—	—

Rialachán (CE) Uimh. 73/2009	An Rialachán seo	Rialachán(AE) Uimh. 1306/2013
Airteagal 109	—	—
Airteagal 110	—	—
Airteagal 111	—	—
Airteagal 112	—	—
Airteagal 113	—	—
Airteagal 114	—	—
Airteagal 115	—	—
Airteagal 116	—	—
Airteagal 117	—	—
Airteagal 118	—	—
Airteagal 119	—	—
Airteagal 120	—	—
Airteagal 121	Airteagals 16 agus 17	—
Airteagal 121a	—	Airteagal 98, an dara fomhír
Airteagal 122	—	—
Airteagal 123	—	—
Airteagal 124(1) go (5), (7) agus (8)	—	—
Airteagal 124(6)	—	Airteagal 98, an chéad fhomhír
Airteagal 125	—	—
Airteagal 126	—	—
Airteagal 127	—	—
Airteagal 128	—	—
Airteagal 129	—	—
Airteagal 130	—	—
Airteagal 131	—	—
Airteagal 132	Airteagals 18 agus 19	—
Airteagal 133	—	—
Airteagal 133a	Airteagal 37	—
Airteagal 134 (scriosta)	—	—
Airteagal 135 (scriosta)	—	—
Airteagal 136	—	—
Airteagal 137	—	—
Airteagal 138	Airteagal 3	—
Airteagal 139	Airteagal 13	—
Airteagal 140	Airteagal 67	—

Rialachán (CE) Uimh. 73/2009	An Rialachán seo	Rialachán(AE) Uimh. 1306/2013
Airteagal 141	Airteagal 71	—
Airteagal 142(a) go (q) agus (s)	Airteagal 70	—
Airteagal 142(r)	Airteagal 69	—
Airteagal 143	—	—
Airteagal 144	—	—
Airteagal 145	—	—
Airteagal 146	Airteagal 72	—
Airteagal 146a	—	—
Airteagal 147	Airteagal 73	—
Airteagal 148	—	—
Airteagal 149	Airteagal 74	—
Iarscríbhinn I	Iarscríbhinn I	—
Iarscríbhinn II	—	Iarscríbhinn II
Iarscríbhinn III	—	Iarscríbhinn II
Iarscríbhinn IV	Iarscríbhinn III	—
Iarscríbhinn V	—	—
Iarscríbhinn VI	—	—
Iarscríbhinn VII	Iarscríbhinn IV	—
Iarscríbhinn VIII	Iarscríbhinn II	—
Iarscríbhinn IX	—	—
Iarscríbhinn X	—	—
Iarscríbhinn XI	—	—
Iarscríbhinn XII	—	—
Iarscríbhinn XIII	—	—
Iarscríbhinn XIV	—	—
Iarscríbhinn XV	—	—
Iarscríbhinn XVI	—	—
Iarscríbhinn XVII	—	—
Iarscríbhinn XVIIa	—	—

RIALACHÁN (AE) Uimh. 1308/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 17 Nollaig 2013

lena mbunaítear comheagraíocht na margái i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghaítear Rialachán (CEE)Uimhi 922/72. (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 42 agus d'Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a bheith curtha chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iníúcháirí ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽²⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiúin ⁽³⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽⁴⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiúin dar teideal "An CBT as seo go 2020: Na dúshláin a bhaineann le bia, acmhainní nádúrtha agus críocha a bhaint amach sa todhchái" leagtar amach na dúshláin, na cuspóirí agus na treoshuímh a d'fhéadfadh a bheith ann don Chomhbheartas Talmhaíochta ("CBT") tar éis 2013. I bhfianaise na díospóireachta i dtaobh na Teachtaireachta sin, ba cheart an CBT a athchóiriú le héifeacht ón 1 Eanáir 2014. Ba cheart príomhionstraimí uile an Chomhbheartais Talmhaíochta a chumhdach leis an athchóiriú sin, lena n-áirítear Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ⁽⁵⁾. I bhfianaise raon feidhme an athchóirithe, is iomchuí an Rialachán sin a aisghairm agus rialachán nua maidir le comheagraíocht na margái i dtáirgí talmhaíochta a chur ina ionad. Ba cheart na forálacha, a oiread is féidir, a chomhchuíbhiú, a chuíchóiriú agus a shimpliú leis an athchóiriú, go háirithe na forálacha sin a chumhdaíonn níos mó ná earnáil amháin talmhaíochta, lena n-áirítear trína

áirithiú go bhféadfaidh an Coimisiún eilimintí neamhriachtanacha de bhearta a ghlacadh trí bhithin gníomhartha tarmligthe.

(2) Ba cheart eilimintí bunúsacha uile chomheagraíocht na margái i dtáirgí talmhaíochta a bheith sa Rialachán seo.

(3) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le gach táirge talmhaíochta atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach ("CAE") agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("CFAE") (le chéile, "na Conarthaí") chun a áirithiú gurb ann do chomheagrú an mhargaidh i gcás gach táirge den sórt sin, de réir mar atá ceangailte in Airteagal 40(1) CFAE.

(4) Ba cheart a shoiléiriú gur cheart, i bprionsabal, feidhm a bheith ag Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾ agus ag na forálacha a ghlactar dá bhun maidir leis na bearta a leagtar amach sa Rialachán seo. Go háirithe, tá forálacha leagtha síos i Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí atá leagtha síos i bhforálacha a bhaineann le CBT, lena n-áirítear seiceálacha agus cur i bhfeidhm beart riaracháin agus pionós riaracháin i gcás neamhchomhlíonta, agus rialacha a bhaineann le hurrúis a thaisceadh agus a urscaoileadh agus le híocaíocht neamhdhlite a aisghabháil.

(5) De bhun Airteagal 43(3) CFAE tá an Chomhairle le bearta a ghlacadh maidir le praghsanna, tobhaigh, cabhair agus srianta cainníochtúla a shocrú. Ar mhaithe le soiléireacht, i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 43(3) CFAE, ba cheart a mhaíomh go sainráite sa Rialachán seo gur ar an mbonn dlíthiúil sin a ghlacfaidh an Chomhairle bearta.

(6) D'fhonn gnéithe áirithe neamhriachtanacha den Rialachán seo a fhorlónadh nó a leasú, ba cheart an chumhacht a tharmligeann don Choimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE. Tá sé fíorthábhachtach go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar doiciméid ábhartha a tharchur go comhuaineach, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

⁽¹⁾ Tuairim an 8 Márta 2012 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil).

⁽²⁾ IO C 191, 29.6.2012, lch. 116 agus IO C 44, 15.2.2013, lch. 158.

⁽³⁾ IO C 225, 27.7.2012, lch. 174.

⁽⁴⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Samhain 2013 ... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear comheagrú na margái talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha i gcomhair táirgí talmhaíochta áirithe (Rialachán Chomheagrú an Mhargaidh Aonair) (IO L 299, 16.11.2007, lch. 1).

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le maoiniú agus bainistiú an chomhbheartais talmhaíochta agus maidir le faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 (Féach leathanach 549 den Iris Oifigiúil seo).

- (7) Ba cheart sainmhíthe áirithe a bhaineann le hearnálacha áirithe a leagan amach sa Rialachán seo. Chun saintréithe sonracha saintréithe sonracha eanáil na ríse a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil leis na sainmhíthe a bhaineann le hearnáil na ríse a leasú, a mhéid is gá chun iad a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise forbairtí sa mhargadh.
- (8) Sa Rialachán seo déantar tagairt do thuairisc na dtáirgí agus do thagairtí do cheannteidil nó d'fhocheannteidil na hainmníochta comhcheangailte. De bharr leasuithe ar ainmníocht na Comhtharfaí Custaim, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le coigeartuithe teicniúla iarmhartacha ar an Rialachán seo. Chun na leasuithe sin a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha áirithe a ghlacadh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na coigeartuithe teicniúla atá riachtanach a dhéanamh. Ar mhaithe le soiléireacht agus simplíocht, ba cheart Rialachán (CEE) Uimh 234/79⁽¹⁾ ón gComhairle, ina ndéantar foráil dá leithéid de chumhacht, a aisghairm agus an chumhacht sin a chomhtháthú leis an Rialachán seo.
- (9) Ba cheart blianta margaióchta a shocrú do ghránaigh, rís, siúcra, farae triomaithe, síolta, fíon, ola olóige agus ológa boird, líon agus cnáib, torthaí agus glasraí, torthaí agus glasraí próiseáilte, bananaí, bainne agus táirgí bainne agus seiriceáin, agus a chur in oiriúint a oiread is féidir do thimthriallta táirgthe bitheolaíochta gach ceann de na táirgí sin.
- (10) Chun na margáí a chobhsú agus chun caighdeán maireachtála cothrom a áirithiú don phobal talmhaíochta, forbraíodh córas difreáilte maidir le tacaíocht mhargaidh sna hearnálacha éagsúla agus tugadh scéimeanna tacaíochta díreacha isteach, lena gcuirtear san áireamh na riachtanais éagsúla atá ag gach ceann de na hearnálacha sin ar thaobh amháin agus idirthuilleamaíocht na n-earnálacha éagsúla ar an taobh eile. Déantar na bearta sin i bhfoirm idirghabháil phoiblí nó i bhfoirm cabhair a íoc don stóráil phríobháideach. Is gá ann i gcónaí bearta tacaíochta margaidh a choimeád ach iad a chuíchóiriú agus a shimplíú.
- (11) Ba cheart scála Aontais chun conblaigh a aicmiú, a aithint agus a thíolacadh in earnálacha na maireola agus na laofheola, na muiceola agus na caoireola agus feola gabhair a shocrú chun críche praghsanna a thairfeadh agus chun na socruithe idirghabhála sna hearnálacha sin a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, tacaíonn scálaí Aontais den sórt sin leis an gcuispóir an margadh a dhéanamh níos trédhearcaí.
- (12) Ba cheart na forálacha maidir le hidirghabháil phoiblí a chur faoi réir struchtúir choitinn, ar mhaithe le soiléireacht agus le trédhearcacht, agus leanúint den bheartas atá á chur i bhfeidhm i ngach earnáil faoi láthair. Chun na críche sin, is iomchuí idirdhealú a dhéanamh idir tairseacha tagartha agus praghsanna idirghabhála agus is iomchuí praghsanna idirghabhála a shainmhíniú. Agus sin á dhéanamh, tá tábhacht ar leith ag baint lena shoiléiriú nach gcomhfhreagraíonn ach praghsanna idirghabhála i gcomhair idirghabhála poiblí do na riarphraghsanna feidhmithe dá dtagraítear sa chéad abairt de mhír 8 d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Comhaontú maidir le Talmhaíocht na hEagraíochta Trádála Domhanda (i.e. tacaíocht do phraghsanna margaidh). Sa chomhthéacs seo, ba cheart a thuiscint go bhféadtar idirghabháil mhargaidh a dhéanamh i bhfoirm idirghabhála poiblí, chomh maith le foirmeacha eile idirghabhála nach n-úsáideann táscairí praghsais a bunaíodh ex-ante.
- (13) De réir mar is iomchuí do gach earnáil i bhfianaise an chleachtais agus na taithí ó chomheagraíochtaí na margáí (CEManna) roimhe seo, ba cheart an córas idirghabhála poiblí a bheith ar fáil le linn tréimhsí áirithe den bhliain agus ba cheart, le linn na dtréimhsí sin, é a bheith ar oscailt ar bhonn buan nó ba cheart é a oscailt ag brath ar phraghsanna margaidh.
- (14) Ba cheart gurb é a bheadh sa phraghas idirghabhála poiblí praghas socraithe i gcomhair cainníochtaí áirithe i gcás táirgí áirithe agus i gcásanna eile ba cheart dó brath ar thairiscint, agus an cleachtas agus an taithí ó CEManna roimhe seo á léiriú.
- (15) Ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo maidir leis an deis táirgí arna gceannach faoi idirghabháil phoiblí a dhiúscairt. Ba cheart bearta mar sin a dhéanamh ar bhealach nach suaitheann an margadh agus a áirithíonn go mbeidh rochtain chothrom ar earraí agus go gcaithfear go cothrom le ceannaitheoirí.
- (16) An scéim atá ann faoi láthair chun bia a dháileadh ar na daoine is díothaí san Aontas, scéim a glacadh faoi CBT, ba cheart Rialachán ar leith a bheith ann di a ghlacfaí chun cuspóirí comhtháthaithe sóisialta na scéime sin a léiriú. Mar sin féin, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo ionas gur féidir táirgí, ar táirgí iad atá á gcoinneáil trí idirghabháil phoiblí, a dhiúscairt trína gcur ar fáil i gcomhair a n-úsáide sa scéim sin.
- (17) Chun an margadh a chothromú agus a chuid praghsanna a chobhsú, d'fhéadfadh sé bheith riachtanach cabhair a dheonú do stóráil phríobháideach táirgí áirithe talmhaíochta. Chun foráil do thrédhearcacht sa mhargadh, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil leis na coinníollacha a leagan síos faoina bhféadfaidh sé a chinneadh cabhair a dheonú don stóráil phríobháideach, agus staid an mhargaidh á cur san áireamh.
- (18) D'fhonn a áirithiú go mbeidh táirgí a cheannaítear isteach faoi idirghabháil phoiblí nó atá faoi réir cabhrach le haghaidh stórála príobháidí oiriúnach chun a stórála fádtearmaí agus gur de cháilíocht fhóna, chothrom agus indíolta a bheidh siad, agus chun saintréithe sonracha na n-earnálacha éagsúla a chur san áireamh chun feidhmiú costéifeachtach na hidirghabhála poiblí agus na stórála príobháidí a áirithiú, ba cheart go

⁽¹⁾ Rialachán (CEE) Uimh. 234/79 ón gComhairle an 5 Feabhra 1979 maidir leis an nós imeachta lena gcoigeartaítear ainmníocht na Comhtharfaí Custaim a úsáidtear i gcás táirgí talmhaíochta (IO L 34, 9.2.1979, lch. 2).

- dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh chun na ceanglais agus na coinníollacha atá le comhlíonadh ag na táirgí sin i dtaca lena gcáilíocht agus lena n-incháilítheacht a leagan síos, de bhreis ar na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo.
- (19) Chun saintréithe sonracha na n-earnálacha gránach agus ríse a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir leis na critéir cháilíochta a leagan síos i ndáil le na táirgí sin a cheannach isteach agus a dhíol.
- (20) D'fhonn a áirithiú go mbeidh toilleadh iomchuí stórála ann agus go mbeidh córas na hidirghabhála poiblí éifeachtúil a mhéid a bhaineann le costéifeachtacht, dáileadh agus rochtain d'oibreoírí, agus chun cáilíocht na dtáirgí sin a cheannaítear isteach faoi idirghabháil phoiblí lena ndiúscairt ag deireadh na tréimhse stórála a choinneáil, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir leis na ceanglais a bheidh le comhlíonadh ag ionaid stórála i gcás na dtáirgí uile atá faoi réir na hidirghabhála poiblí, agus rialacha áirithe a ghlacadh maidir le stóráil táirgí laistigh nó lasmuigh den Bhallstát atá freagrach astu agus as a gcóireáil maidir le dlachtanna custaim agus aon mhéideanna eile atá le deonú nó le gearradh faoi CBT.
- (21) Chun a áirithiú go mbeidh an éifeacht inmhianaithe ag stóráil phríobháideach ar an margadh, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil leis na rialacha agus na coinníollacha is infheidhme i gcás inar lú an chainníocht atá á stóráil ná an chainníocht atá ar conradh; agus coinníollacha faoina ndeonófar réamhíocaíocht; agus na coinníollacha is infheidhme maidir le táirgí a chumhdaítear le conarthaí stórála príobháidí a athmhargú nó a dhiúscairt.
- (22) Chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh córais na hidirghabhála poiblí agus na stórála príobháidí mar is cuí, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh chun foráil d'úsáid nósanna imeachta tairisceana; agus lena leagtar síos coinníollacha breise atá le comhlíonadh ag oibreoírí; agus do cheanglas atá orthu urrús a thaisceadh.
- (23) Chun na forbairtí teicniúla agus riachtanais earnáil na mairteola agus na laofheola, na muiceola, agus na caoireola agus na feola gabhair a chur san áireamh, chomh maith leis an ngá go ndéanfar cur i láthair na dtáirgí difriúla a chaighdeánú chun feabhas a chur ar thrédhearcacht an mhargaidh, ar thaifeadadh praghsanna agus ar chur i bhfeidhm na bearta idirghabhála sa mhargadh, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir le scálaí aicmithe an Aontais do chonablaigh sna hearnálacha sin a chur in oiriúint agus a thabhairt cothrom le dáta, agus lena leagtar síosmaidir le forálacha agus maoluithe breise áirithe a bhaineann leis sin a leagan síos.
- (24) Ba cheart leanaí a spreagadh chun torthaí agus glasraí, agus bainne agus táirgí bainne a ithe, d'fhonn méadú a dhéanamh go marthanach ar chion na dtáirgí sin i gcothú leanaí scoile ag an tráth sin nuair atá a nósanna itheacháin á múnú, agus ar an gcaoi sin, rannchuidiú le cuspóirí CBT a bhaint amach, go háirithe maidir le margáí a chobhsú agus soláthairtí reatha agus soláthairtí as seo amach a áirithiú. Ba cheart cabhair ón Aontas a chur chun cinn dá bhrí sin chun soláthar táirgí den sórt sin do pháistí i bhforais oideachais a mhaoiniú nó a chómhaoiniú.
- (25) Chun bainistíocht bhuiséadach fhónta a áirithiú ar scéimeanna torthaí agus glasraí scoile agus scéimeanna bainne scoile an Aontais, ba cheart forálacha comhchuíbhithe a bhunú. Níor cheart cabhair ón Aontas a úsáid in ionad chistiú aon scéime scoile náisiúnta maidir le torthaí agus glasraí atá ann cheana agus scéimeanna bainne scoile. I bhfianaise na srianta buiséadacha, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann ranníocaíochtaí ón earnáil phríobháideach a úsáid in ionad a ranníocaíochtaí airgeadais féin do na scéimeanna sin. Ionas go mbeidh a scéimeanna torthaí agus glasraí scoile agus éifeachtach, d'fhéadfadh bearta tionlacain a bheith riachtanach agus ba cheart go gceadófaí dóibh cabhair náisiúnta a dheonú dóibh sin. Ba cheart do na Ballstáit atá rannpháirteach sna scéimeanna an ról fóirdheonaitheach atá ag cabhair an Aontais a phoiblíú.
- (26) Chun nósanna itheacháin sláintiúla a chur chun cinn i measc leanaí agus chun a áirithiú go mbeidh an chabhair dírithe ar leanaí atá ag freastal go rialta ar fhorais oideachais atá á riar nó aitheanta ag na Ballstáit, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir leis an scéim torthaí agus glasraí scoile i ndáil leis na critéir bhreise a bhaineann le cabhair a dhíríú agus le hiarratasóirí cabhrach a fhorhmeas agus a roghnú agus i ndáil le straitéisí náisiúnta nó réigiúnacha a dhréachtú agus i ndáil le bearta tionlacain.
- (27) D'fhonn a áirithiú go n-úsáidfear Cistí an Aontais ar bhealach éifeachtúil agus spriocdhírítithe ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir leis an scéim torthaí agus glasraí scoile a bhaineann leis an modh chun cabhair a athdháileadh ar na Ballstáit bunaithe ar iarrataí a fhaightear ar iarratais cabhrach, na costais atá incháilithe do chabhair an Aontais, lena n-áirítear go bhféadfaí uasteorainn fhoriomlán a shocrú do na costais sin; agus an dualgas atá ar Bhallstáit faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a scéimeanna torthaí agus glasraí scoile.
- (28) Chun feachtas faoin scoile torthaí agus glasraí scéim a chur chun cinn, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil leis an gceanglas ar na Ballstáit a bhfuil scéim torthaí agus glasraí scoile acu poiblíocht a thabhairt do ról fóirdheonaitheach chabhair an Aontais.

- (29) Chun an éabhlóid i bpatrúin tomhaltais do tháirgí déiríochta a chur san áireamh, mar aon leis na nuálaíochtaí agus na forbairtí i margadh na dtáirgí déiríochta, infhaighteacht na dtáirgí ar mhargaí éagsúla an Aontais agus gnéithe cothaitheacha, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir leis an scéim bainne scoile a bhaineann leis an méid a leanas: na táirgí is incháilithe don scéim; straitéisí náisiúnta nó réigiúnacha na mBallstát, lena n-áirítear bearta tionlacain i gcás inarb infheidhme; agus faireachán agus meastóireacht ar an scéim.
- (30) Chun a áirithiú go gcáilíonn na tairbhíthe agus na hiarratasóirí iomchuí le haghaidh na cabhrach, agus go mbaintear leas éifeachtúil agus éifeachtach as an g cabhair sin, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir leis na rialacha i ndáil leis na tairbhíthe agus na hiarratasóirí atá incháilithe don chabhair, an ceanglas go mbeadh iarratasóirí formheasta ag na Ballstáit, agus úsáid na dtáirgí déiríochta chun na béilí i bhforais oideachais a ullmhú.
- (31) Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh iarratasóirí cabhrach na hoibleagáidí atá acu, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil leis an gceanglas maidir le hurrús a thaisceadh i gcás ina réamhíoctar cabhair.
- (32) D'fhonn aird a tharraingt ar an scéim bainne scoile, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i leith na gcoinníollacha faoina gcaithfidh na Ballstáit rannpháirteachas an Choimisiúin sa scéim sin a phoibliú agus go bhfuil fóirdheontas á fháil acu ón Aontas.
- (33) Chun a áirithiú go léirítear an chabhair i bpraghas na dtáirgí, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil le faireachán ar phraghsanna faoin scéim bainne scoile a chur ar bun.
- (34) Tá gá le maoiniú ón Aontas chun eagraíochtaí aitheanta de tháirgeoirí, comhlachais aitheanta d'eagraíochtaí táirgeoirí nó d'eagraíochtaí idirchraobhacha aitheanta a spreagadh chun cláir oibre a tharraingt suas chun feabhas a chur ar táirgeadh agus ar mhargaíocht ola olóige agus ológ boird. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a fhoráil sa Rialachán seo go leithdháilfí tacaíocht ón Aontas de réir na dtosaíochtaí a thugtar do na gníomhaíochtaí a ghabhtar ar láimh laistigh de na cláir oibre faoi seach. Ba cheart cómhaoiniú a laghdú áfach chun éifeachtúlacht na glár sin a fheabhsú.
- (35) D'fhonn a áirithiú go mbainfear leas éifeachtúil, éifeachtach as an gcabhair ón Aontas a dheonfar d'eagraíochtaí de tháirgeoirí, do chomhlachais d'eagraíochtaí de tháirgeoirí nó d'eagraíochtaí idirchraoibhe in earnálacha na hola olóige agus na n-ológ boird chun cáilíocht táirgthe ola olóige agus ológ boird a fheabhsú, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i leith na mbeart sonracha a fhéadfar a mhaoiniú leis an gcabhair ón Aontas agus na gníomhaíochtaí agus na costais nach bhféadfar a mhaoiniú; an maoiniú íosta ón Aontas atá le leithdháileadh ar réimsí sonracha; an ceanglas urrús a thaisceadh; na critéir a bheidh le cur san áireamh ag na Ballstáit agus cláir oibre á roghnú agus á bhformheas.
- (36) Sa Rialachán seo, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir torthaí agus glasraí, atá beartaithe le caitheamh go díreach ag an tomhaltóir agus torthaí agus glasraí atá beartaithe lena bpróiseáil, ar thaobh amháin, agus torthaí agus glasraí próiseáilte, ar an taobh eile. Níor cheart go mbeadh feidhm ag rialacha i dtaca le cistí oibriúcháin, le cláir oibriúcháin agus le cúnaimh airgeadais an Aontais ach amháin maidir leis an gcéad chatagóir, agus ba cheart caitheamh leis an dá chineál torthaí agus glasraí sa chatagóir sin go comhcosúil.
- (37) Tá sé deacair táirgeadh torthaí agus glasraí a thuar agus tá na táirgí meatach. Féadann barrachais theoranta fiú amháin an margadh a shuaitheadh go suntasach. Dá bhrí sin, ba cheart bearta a bhunú i gcomhair bainistiú géarchéimeanna agus ba cheart leanúint de na bearta sin a chomhtháthú le cláir oibriúcháin.
- (38) Agus torthaí agus glasraí á dtáirgeadh agus á margú, ba cheart saincheisteanna comhshaoil a chur san áireamh ina n-iomláine, lena n-áirítear cleachtais saothraithe, bainistiú ábhar dramhaíola agus diúscairt táirgí a tharraingítear siar ón margadh, go háirithe maidir le cosaint cháilíocht an uisce agus cothabháil na bithéagsúlachta agus na tuaithe.
- (39) Ba cheart tacaíocht chun grúpaí de tháirgeoirí a bhunú a thabhairt do gach earnáil i ngach Ballstát faoin mbeartas forbartha tuaithe. Ba cheart, dá bhrí sin, deireadh a chur leis an tacaíocht shonrach in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí.
- (40) Chun breis freagrachta a thabhairt d'eagraíochtaí de tháirgeoirí agus a gcomhlachais in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí as a gcinntí airgeadais agus chun na hacmhainní poiblí a shanntar dóibh a dhíriú ar riachtanais a bheidh ann amach anseo, ba cheart téarmaí a leagan amach maidir le húsáid na n-acmhainní sin. Is réiteach iomchuí é go ndéanfaí cistí oibriúcháin a bhunaigh eagraíochtaí de tháirgeoirí agus a gcomhlachais a chómhaoiniú. Ba cheart scóip bhreise a údarú do mhaoiniú i gcásanna áirithe. Níor cheart cistí oibriúcháin a úsáid ach amháin chun cláir oibriúcháin in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a mhaoiniú. Chun caiteachas an Aontais a rialú, ba cheart uasteorainn a bheith ar chúnamh a dheonaítear d'eagraíochtaí de tháirgeoirí agus a gcomhlachais lena mbunaítear cistí oibriúcháin.

- (41) I réigiúin inar lag eagrúchán an táirgthe in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, ba cheart cead a thabhairt ranníocaíochtaí náisiúnta breise a dheonú. I gcás Ballstát atá faoi mhíbhuntáiste ar leith maidir le struchtúir, ba cheart don Aontas na ranníocaíochtaí sin a aisíoc.
- (42) Chun tacaíocht éifeachtúil, spriocdhírthe agus inbhuanaithe a áirithiú do ghrúpaí de tháirgeoirí agus a gcomhlachais in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil le cistí oibriúcháin agus cláir oibriúcháin, i ndáil leis an gcreat náisiúnta agus i ndáil leis an straitéis náisiúnta maidir le cláir oibríochtúla i ndáil leis an oibleagáid faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na gcreataí náisiúnta agus na straitéisí náisiúnta; Cúnamh airgeadais ón Aontas; bearta chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú; agus cúnamh airgeadais náisiúnta.
- (43) Tá sé tábhachtach foráil a dhéanamh maidir le bearta tacaíochta in earnáil an fhíona a neartaíonn struchtúir iomaíochas. Cé gur cheart don Aontas na bearta sin a shainiú agus a mhaoiniú, ba cheart é a fhágáil faoi na Ballstáit an tsraith beart iomchuí a roghnú chun riachtanais a gcomhlachtaí réigiúnacha a shásamh, ag cur a dtreithe ar leith san áireamh, más gá, agus iad a chomhtháthú ina gcláir náisiúnta thacaíochta freisin. Ba cheart do na Ballstáit a bheith freagrach as na cláir sin a chur chun feidhme.
- (44) Ba cheart cur chun cinn agus margú fhíonta an Aontais a bheith ina eochairbheart ar leith atá incháilithe le haghaidh clár náisiúnta tacaíochta. Le tacaíocht don nuálaíocht, féadtar indíoltacht agus iomaíochas táirgí fíniúnacha an Aontais a mhéadú. Ba cheart leanúint de ghníomhaíochtaí athstruchtúraithe agus athchóirithe a chumhdach i ngeall ar a dtionchair struchtúracha dhearfacha ar earnáil an fhíona. Ba cheart tacaíocht a bheith ar fáil freisin d'infheistíochtaí in earnáil an fhíona ar infheistíochtaí iad atá dírithe ar fheidhmíocht eacnamaíoch na ngnóthas a fheabhsú. Ba cheart beart maidir le tacaíocht do dhriogadh fotháirgí a bheith ar fáil do Bhallstáit ar mian leo a leithéid d'ionstraim a úsáid chun cáilíocht an fhíona a áirithiú, agus an comhshaol a chosaint ag an am céanna.
- (45) Ba cheart ionstraimí coisctheacha a bheith ann amhail árachas buainte, cistí frithpháirteacha agus glasbhuint incháilithe chun tacaíocht a fháil faoi na cláir thacaíochta in earnáil an fhíona chun cur chuige freagrach a spreagadh i gcás géarchéimeanna.
- (46) Rinneadh forálacha cinnitheacha de na forálacha a chinn na Ballstáit maidir le tacaíocht do shaothraithe fíniúnacha trí theidíochtaí íocaíochta a leithdháileadh amhail ón mbliain airgeadais 2015 faoi Airteagal 103n de Rialachán (CE) Uimhir 1234/2007 agus faoi reir na gcoinníollacha a leagtar amach san fhoráil sin.
- (47) Chun a áirithiú go mbainfidh cláir thacaíochta fíona na mBallstát a gcuid cuspóirí amach agus go n-úsáidtear cistí de chuid an Aontais ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil le: rialacha maidir leis an bhfreagracht as caiteachas idir an dáta a bhfaigheann an Coimisiún na cláir thacaíochta, agus i ndáil le leasuithe ar na cláir agus a dáta infheidhmeachta; rialacha maidir le hábhar na gclár tacaíochta agus maidir leis an gcaiteachas, na costais riaracháin agus pearsanra agus na hoibríochtaí a fhéadfar a áireamh i gcláir thacaíochta na mBallstát agus na coinníollacha faoina bhféadfar íocaíochtaí a dhéanamh trí idirghabhálaithe i gcás tacaíochta d'árachas buainte; rialacha maidir leis an gceanglas chun urrús a thaisceadh i gcás ina ndéantar réamhíocaíocht; rialacha maidir le húsáid téarmaí áirithe; rialacha maidir le huasteorainn a shocrú don chaiteachas maidir le hathphlandú fíonghort ar chúiseanna sláinte/ nó fiteashláintíochta; rialacha maidir le cistiú dúbailte a sheachaint; rialacha faoina n-aistarraingeoidh táirgeoirí fotháirgí na fionóireachta, agus maidir le heisceachtaí ón oibleagáid sin chun ualach breise riaracháin a sheachaint agus rialacha maidir le deimhniúchán deonach na ndriogairí; agus rialacha lena gceadaítear do Bhallstáit coinníollacha a chur ar bun chun bearta tacaíochta a chur ag feidhmiú ar bhealach cúil.
- (48) Saintréith de chuid na beachaireachta is ea an éagsúlacht a bhaineann lena dálaí táirgthe agus leis an táirgeacht a fhaightear uaithi agus a scaipthe agus a éagsúla atá na hoibreoirí eacnamaíochas ag na céimeanna táirgthe agus margáíochta araon. Ina theannta sin, i bhfianaise an mhéadaithe ar ionsaithe coirceog i ndáil le sláinte na mbeach agus go háirithe i bhfianaise leathadh na varróise i roinnt Ballstát le blianta beaga anuas agus na bhfadhbanna a bhaineann do tháirgeadh meala de bharr an ghalair sin, tá sé fós riachtanach go ndéanfadh an tAontas gníomh ós rud é nach féidir an varróis a dhíothú ina hiomláine agus toisc nach mór táirgí formheasta a úsáid chun í a chóireáil. I bhfianaise na n-imthosca sin agus chun feabhas a chur ar tháirgeadh agus ar mhargú táirgí beachadóireachta san Aontas, ba cheart cláir náisiúnta don earnáil a tharraingt suas gach trí bliana d'fhonn feabhas a chur ar na dálaí ginearálta a bhaineann le tháirgeadh agus margú táirgí beachadóireachta. Ba cheart don Aontas na cláir náisiúnta sin a mhaoiniú i bpáirt.
- (49) Ba chóir na bearta is féidir a áireamh sa chlár beachadóireachta a shonrú. Chun a áirithiú go gcuirfeadh scéim cabhrach an Aontais in oiriúint do na forbairtí is déanaí agus go mbeidh na bearta a chlúdófar éifeachtach ó thaobh feabhas a chur ar na coinníollacha ginearálta do tháirgeadh agus margú táirgí beachadóireachta, ba cheart a tabhairt de chumhacht don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh lena dtabharfar liosta na mbearta cothrom le dáta trí na bearta atá ann cheana a oiriúnú nó trí bhearta eile a chur leo.

- (50) Lena áirithiú go n-úsáidfeadh cistí beachadóireachta an Aontais ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh chun cistiú dúbailte idir na cláir bheachadóireachta agus cláir forbartha tuaithe a sheachaint agus ar bhonn leithdháileadh ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar gach Ballstát rannpháirteach.
- (51) I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle⁽¹⁾, rinneadh an íocaíocht i leith limistéar leannlusanna a dhíchúpláil ón 1 Eanáir 2010. D'fhonn na heagraíochtaí leannlusanna a údarú leanúint dá ngníomhaíochtaí mar a rinne siad roimhe, ba cheart foráil shonrach a dhéanamh go n-úsáidfí méideanna coibhéiseacha sna Ballstáit lena mbaineann i gcomhair na ngníomhaíochtaí céanna. D'fhonn a áirithiú go maoinítear aidhmeanna na n-eagraíochtaí de tháirgeoirí leis an gcabhair mar a leagtar amach é sa Rialachán seo, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir le hiarratais ar chabhair, rialacha maidir le limistéir incháilithe leannlusanna agus maidir le cabhair a ríomh.
- (52) Ba cheart cabhair ón Aontas do thógáil seiriceán a dhíchúpláil agus a chomhtháthú isteach i gcóras na n-íocaíochtaí díreacha de réir an chur chuige a leanadh maidir le cúnaimh in earnálacha eile.
- (53) An cúnaimh le haghaidh bainne bhearrtha agus púdair bhainne bhearrtha a táirgeadh san Aontas lena n-úsáid mar ábhar beatha agus le próiseáil chun cáisín agus cáiséanáití a dhéanamh de, ní raibh sé éifeachtach mar thacaíocht don mhargadh agus ba cheart deireadh a chur leis dá bhrí sin, maille leis na rialacha maidir le húsáid cáiséine agus cáiséanáití i monarú cáise.
- (54) Tá bonn leis an gcinneadh go gcuirfí deireadh leis an gcosc idirthréimhseach ar fhíniúnacha a phlandú ar leibhéal an Aontais ós rud é go bhfuil príomhspricanna athchóiriú 2008 ar eagrú mhargadh fíona AE bainte amach, go háirithe gur cuireadh deireadh le barrachas fadtréimhseach struchtúrach tháirgeadh an fhíona agus gur cuireadh feabhas de réir a chéile ar iomaíochas agus ar threoshuíomh margaidh earnáil an fhíona san Aontas. Bhí forbairtí dearfacha den sórt sin de thoradh ar laghdú suntasach ar limistéir faoi fhíniúnacha ar fud an Aontais, scor táirgeoirí beagíomaíocha, agus céimniú amach beart áirithe tacaíochta margaidh a bhain an dreasacht d'infheistíochtaí gan inmharthanacht eacnamaíoch. Leis an laghdú ar an gcumas soláthair agus an tacaíocht do bhearta struchtúracha agus do chur chun cinn onnmhairithe, ligeadh d'oiriúnú níos fearr d'éileamh laghdaithe ar leibhéal an Aontais, atá de thoradh ar laghdú de réir a chéile ar thomhaltas sna Ballstáit a mbíodh traidisiún acu an fhíon a tháirgeadh.
- (55) Is dreasacht é áfach chun an cumas soláthair a mhéadú agus fíniúnacha nua a phlandú dá réir sna deich mbliana atá le teacht go mbeidh an t-éileamh ag dul i méid ar leibhéal an mhargaidh dhomhanda. Cé gur cheart leanúint leis an príomhspric iomaíochas earnáil fíona an Aontais a mhéadú ionas nach gcaillfeadh sciar den mhargadh ar an margadh domhanda, d'fhéadfadh sé gurbh é an toradh a bheas ar mhéadú tapa iomarcach ar phlanduithe fíniúnacha nua mar fhreagairt ar dhul chun cinn beartaithe ar éileamh idirnáisiúnta go dtiocfadh cumas soláthair iomarcach de bheith ann sa mheántearma lena mbeadh iarmhairtí sóisialta agus comhshaoil i limistéir áirithe táirgthe fíona. Chun a áirithiú go mbeidh fás ordúil ar phlanduithe fíniúnacha le linn na tréimhse idir 2016 agus 2030, ba cheart córas nua chun planduithe nua a bhainistiú a bhunú ar leibhéal an Aontais; i bhfoirm scéime údaruithe i gcomhair planduithe fíniúnacha.
- (56) Faoin gcóras nua sin, féadfar údaruithe i gcomhair planduithe fíniúnacha a dheonú gan costas a ghearradh ar na táirgeoirí, agus ba cheart go n-éagfadh sé tar éis trí bliana mura n-úsáidfeadh iad. Chuirfeadh sé sin le húsáid phras agus dhíreach na n-údaruithe i measc na dtáirgeoirí fíona a raibh siad tugtha dóibh, agus ar an gcaoi sin amhantraíocht a sheachaint.
- (57) Ba cheart méadú ar phlanduithe nua fíniúnacha a chur i gcreat sásra cosanta ar leibhéal an Aontais, bunaithe ar an oibleagáid go gcuirfeadh na Ballstáit údaruithe ar fáil ar bhonn bliantúil i gcomhair planduithe nua combhionann is 1 % de limistéir fíniúnacha phlandaithe nua, ag ligean do sholúbthacht áirithe chun freagairt d'imthosca sonracha gach Ballstáit. Ba cheart go mbeadh Ballstáit in ann cinneadh a dhéanamh an bhfuil limistéir níos lú le cur ar fáil ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach, lena n-áirítear ar leibhéal limistéir atá i dteideal sonrúcháin shonracha tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografacha sonracha faoi chosaint, ar bhonn critéar oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach, agus á áirithiú go bhfuil na teorainneacha a fhorchuirtear níos mó ná 0 % agus nach bhfuil siad ró-shriantach maidir leis na spricanna atá á saothrú.
- (58) Chun a áirithiú go ndeonófar údaruithe ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, ba cheart critéir áirithe a leagan síos, agus go háirithe nuair a sháraíonn líon na n-iarratas a dhéanann táirgeoirí líon iomlán na heicteár arna gcur ar fáil leis na húdaruithe a chuireann Ballstáit ar fáil.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle an 19 Eanáir 2009 lena mbunaítear comhrialacha maidir le scéimeanna tacaíochta díri d'fheirmeoirí faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus lena mbunaítear scéimeanna áirithe tacaíochta d'fheirmeoirí de bheith mar bhunús le tacaíocht ioncaim a thabhairt d'fheirmeoirí sa bhliain féilire 2013.

- (59) Ba cheart údaruithe a dheonú go huathoibríoch do tháirgeoirí a ghráfann limistéar finiúna atá ann cheana ach iarratas a chur isteach agus neamhspleách ar an sásra cosanta do phlanduithe nua a údarú, toisc nach gcuireann sé le méadú iomlán ar na limistéir faoi fhíniúnacha. I limistéir áirithe atá incháilithe le haghaidh fronta a tháirgeadh a bhfuil tásca tionscnaimh nó geografach atá faoi chosaint acu, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann srian a chur ar dheonú na n-údaruithe sin d'athphlanduithe ar bhonn moltaí ó eagraíochtaí gairmiúla aitheanta agus ionadaíochta.
- (60) Ba cheart nach mbeadh feidhm ag an scéim nua seo d'údaruithe do phlandú nua finiúnacha maidir le Ballstáit nach bhfuil córas idirthrímhseach an Aontais i ndáil le cearta plandaithe á chur i bhfeidhm acu agus go mbeadh sé roghnach do na Ballstáit sin a bhfuil na cearta plandaithe i bhfeidhm acu ach inar lú an limistéar plandaithe finiúna ná tairseach áirithe.
- (61) Ba cheart forálacha idirthrímhseacha a leagan síos chun trasdul réidh idir an córas um chearta plandaithe a bhí ann roimhe agus scéim nua, go háirithe chun planduithe iomarcacha a sheachaint roimh an scéim nua a thosú. Ba cheart go mbeadh solúbthacht áirithe ag na Ballstáit maidir le cinneadh a dhéanamh i leith an spriocdháta chun iarrataí a chur isteach maidir le cearta plandaithe a thiontú go húdaruithe ón 31 Nollaig 2015 go dtí an 31 Nollaig 2020.
- (62) Chun a áirithiú go mbeidh an scéim nua d'údaruithe i gcomhair planduithe finiúnacha á cur chun feidhme ar bhealach comhchuibhithe agus éifeachtach, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i leith na gcoinníollacha maidir le planduithe finiúnacha áirithe a dhíolmhú ón scéim, na rialacha a bhaineann leis na critéir incháilitheachta agus tosaíochta, critéir a chur isteach maidir le hincháilitheacht agus tosaíocht, le cómhaireachtáil finiúnacha a bheidh le grafadh taobh le finiúnacha nua-phlandaithe agus na forais arbh fhéidir leis na Ballstáit fad srianadh a chur ar údarú athphlanduithe a dheonú.
- (63) Ba cheart rialú nabplanduithe neamhúdaraithe a dhéanamh go héifeachtach chun a áirithiú go gcomhlíonfaí rialacha na scéime nua.
- (64) Nuair a chuirtear caighdeáin i bhfeidhm maidir le margáocht táirgí talmhaíochta féadfaidh siad cuidiú na dálaí eacnamaíochta a fheabhsú don táirgeadh agus don mhargú agus le cáilíocht na dtáirgí sin a fheabhsú. Dá bhrí sin, bheadh sé chun leasa na dtáirgeoirí, na dtrádálaithe agus na dtomhaltóirí a leithéid de chaighdeáin a chur i bhfeidhm.
- (65) Tar éis na Teachtaireachta ón gCoimisiún maidir le beartas cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus díospóireachtaí ina dhiaidh sin, meastar gurb iomchuí caighdeáin mhargaíochta de réir earnálacha nó táirgí a choimeád, chun ionchais na dtomhaltóirí a chur san áireamh agus chun cuidiú na dálaí eacnamaíochta a fheabhsú do tháirgeadh agus do mhargú táirgí talmhaíochta agus lena gcáilíocht.
- (66) Ba cheart forálacha de chineál cothrománach a bhunú maidir le caighdeáin mhargaíochta.
- (67) Ba cheart na caighdeáin mhargaíochta a roinnt go soiléir idir rialacha éigeantacha d'earnálacha nó do tháirgí sonracha agus téarmaí roghnacha a bheidh le bunú ar bhonn earnála nó ar bhonn táirge.
- (68) Ba cheart feidhm a bheith, i bprionsabal, ag caighdeáin mhargaíochta maidir leis na táirgí talmhaíochta uile lena mbaineann a chuirtear ar an margadh san Aontas.
- (69) Ba cheart na hearnálacha agus na táirgí a bhféadfadh caighdeáin mhargaíochta a bheith i bhfeidhm ina dtaobh a liostú sa Rialachán seo. Mar sin féin, chun ionchais na dtomhaltóirí a chur san áireamh agus an gá atá le cáilíocht táirgí talmhaíochta a fheabhsú mar aon leis na dálaí eacnamaíochta dá dtáirgeadh agus dá margú, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil leis an liosta sin a leasú, faoi réir coinníollacha dochta.
- (70) Chun ionchais na dtomhaltóirí a chur san áireamh agus chun dálaí eacnamaíochta do tháirgeadh agus do mhargú táirgí talmhaíochta a fheabhsú chomh maith le cáilíocht táirgí áirithe talmhaíochta a fheabhsú, agus chun iad a chur in oiriúint do na dálaí margaidh atá ag síorathrú agus do na hathruithe ar éilimh na dtomhaltóirí, agus chun forbairtí i gcaighdeáin idirnáisiúnta ábhartha a chur san áireamh agus ionas nach gcruthófar constaicí i nuálaíocht táirgí, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil le caighdeáin mhargaíochta a ghlacadh de réir earnálacha nó táirgí, ag gach céim den mhargaíocht, agus i ndáil le maoluithe agus díolúintí ar na caighdeáin sin. Ba cheart a chur san áireamh leis na caighdeáin mhargaíochta, i measc nithe eile, saintréithe nádúrtha agus bunriachtanacha na dtáirgí lena mbaineann agus ar an mbealach sin athruithe substaintiúla ar ghnáth-chomhdhéanamh an táirge lena mbaineann a sheachaint. Fairis sin, ba cheart a chur san áireamh sna caighdeáin mhargaíochta an riosca a d'fhéadfadh a bheith i gceist tomhaltóirí a chur amú mar gheall ar a gcuid ionchas agus a gcuid braistintí. Níor cheart go mbeadh costais bhreise a bheadh le hioc ag feirmeoirí amháin i gceist le haon mhaolú nó le haon díolmhú ó na caighdeáin.
- (71) Ba cheart caighdeáin mhargaíochta a bheith infheidhme ionas gur féidir táirgí de cháilíocht chaighdeánaithe shásúil a sholáthar go réidh don mhargadh agus ba cheart iad a bheith ag baint go háirithe, le sainmhínithe teicniúla, aicmithe, cur i láthair, marcáil agus lipéadú, pacáistiú, modh táirgthe, caomhnú, stóráil, iompar, doiciméid riaracháin ghaolmhara, deimhniúchán agus teorainneacha ama, srianta ar úsáid agus ar dhiúscairt.

- (72) Ag cur san áireamh leas na dtáirgeoirí saintréithe an táirge agus na tréithe feirmeoireachta a chur in iúl agus leas na dtomhaltóirí i dtaca le faisnéis leordhóthanach agus thrédhearcach a fháil faoi tháirgí, ba cheart a bheith in ann an áit feirmeoireachta agus/nó an áit tionscnaimh a chinneadh, ar bhonn gach cáis faoi leith ar an leibhéal geografach is iomchuí, ach saintréithe sonracha earnálacha áirithe a chur san áireamh, go háirithe maidir le táirgí talmhaíochta próiseáilte.
- (73) Ba cheart rialacha speisialta a chur ar fáil i ndáil le táirgí a allmhairítear ó thríú tíortha má tá forálacha náisiúnta i bhfeidhm i dtríú tíortha a thugann údar le maoluithe ó chaighdeán mhargaíochta agus má thugtar ráthaíocht go bhfuil siad combhionann le reachtaíocht an Aontais. Is iomchuí freisin rialacha a chinneadh maidir le cur i bhfeidhm na gcaighdeán margáíochta is infheidhme maidir leis na táirgí a ollmhaireofar ón Aontas.
- (74) Níor cheart táirgí de chuid earnáil na dtorthaí agus na nglasraí atá ceaptha lena ndíol leis an tomhaltóir agus iad úr a mhargú ach amháin má tá siad de cháilíocht shlán chóir agus indíolta agus má léirítear an tír tionscnaimh. D'fhonn an ceanglas sin a chur i bhfeidhm mar is cuí agus chun cásanna sonracha áirithe a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir le maoluithe sonracha ón gceanglas sin.
- (75) Ba cheart cloí le beartas cáilíochta ar fud an Aontais trí nós imeachta deimhniúcháin a chur i bhfeidhm maidir le táirgí in earnáil na leannlusanna agus trí chosc a chur ar tháirgí den sórt sin a mhargú, nach bhfuil deimhniú eisithe dóibh. D'fhonn é a áirithiú go gcuirfean an ceanglas sin i bhfeidhm mar is cuí agus chun cásanna sonracha áirithe a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i leith beart de mhaolú ar an gceanglas chun ceanglais trádála roinnt tríú tíortha a chomhlíonadh nó do tháirgí atá beartaithe d'úsáid speisialta.
- (76) I gcás roinnt earnálacha agus/nó táirgí, eilimintí tábhachtacha is ea sainmhínithe, sonrúcháin agus tuairiscí díolacháin chun dálaí iomaíochta a chinneadh. Is iomchuí, dá bhrí sin, sainmhínithe, sonrúcháin agus tuairiscí díolacháin a leagan síos d'earnálacha áirithe agus/nó táirgí, nár cheart iad a úsáid ach amháin san Aontas chun táirgí atá i gcomhréir leis na ceanglais chomhfhreagracha a mhargú.
- (77) D'fhonn na sainmhínithe agus na tuairiscí díolacháin a oiriúnú go cinnte maidir leis na riachtanais a eascraíonn as éilimh na gcustaiméirí a bhíonn ag athrú, an dul chun cinn teicniúil agus an gá le nuálaíocht na dtáirgí, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir le modhnuithe, maoluithe nó díolúintí is gá i leith sainmhínithe agus tuairiscí díolacháin.
- (78) Chun a áirithiú go bhfuil tuiscint shoiléir cheart ag oibritheoirí agus ag na Ballstáit ar na sainmhínithe agus na tuairiscí díolacháin a leagtar síos d'earnálacha áirithe, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh i gcomhréir leis na rialacha dá sonrúchán agus dá gcur i bhfeidhm.
- (79) Chun sainiúlacht gach táirge nó earnála a chur san áireamh, mar aon leis na céimeanna difriúla margáíochta, na coinníollacha teicniúla, aon mhórdheacracht phraiticiúil a d'fhéadfadh a bheith ann, agus cruinneas agus in-atriallacht na modhanna anailíse, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir le lamháltas le haghaidh ceann amháin nó níos mó de chaighdeán shonracha faoina bhféadfaí a mheas go raibh ag teip ar bhais iomlán na dtáirgí an caighdeán sin a chomhlíonadh.
- (80) Ba cheart cleachtais áirithe fhíoneolaíochta agus srianta áirithe a chinneadh i gcás táirgthe fíona, go háirithe i ndáil le cumasc agus úsáid cineálacha áirithe úrfhíona fíonchaor, sú fíonchaor agus fíonchaor úr de thionscnamh tríú tíortha. Chun na caighdeán idirnáisiúnta a chomhlíonadh, i gcás cleachtas fíoneolaíochta breise, ba cheart don Choimisiún na cleachtais fíoneolaíochta atá molta ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Fíniúna agus Fíona (OIV) a chur san áireamh.
- (81) Ba cheart rialacha a leagan síos maidir le haicmiú cineálacha fíonchaor, agus de réir na rialacha sin ba cheart go leanfadh na Ballstáit a tháirgeann níos mó ná 50 000 heictilítear in aghaidh na bliana de bheith freagrach as aicmiú na gcineálacha fíonchaor ónar féidir fíon a dhéanamh ina gcricíoch. Ba cheart cineálacha áirithe fíonchaor a eisiamh.
- (82) Ba cheart bheith ar chumas na mBallstát rialacha náisiúnta áirithe a choimeád nó a ghlacadh maidir le leibhéal cháilíochta i ndáil le saillte inleata.
- (83) I gcás earnáil an fhíona, ba cheart na Ballstáit a údarú teorainn a chur le húsáid cleachtas fíoneolaíoch áirithe nó iad a eisiamh agus srianta níos déine a choimeád i gcás fíonta a tháirgtear ina gcricíoch, chomh maith lena cheadú go n-úsáidfean ar bhonn turgnamhach cleachtais fhíoneolaíochta neamhúdaraithe.
- (84) Chun a áirithiú go gcuirtear chun feidhme i gceart agus go thrédhearcach rialacha náisiúnta le haghaidh táirgí áirithe agus/nó earnálacha áirithe maidir le caighdeán mhargaíochta, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil le coinníollacha a bhunú le haghaidh caighdeán mhargaíochta den sórt sin a chur i bhfeidhm chomh maith leis na coinníollacha le haghaidh na táirgí arna bhfáil ó na cleachtais thurgnamhacha a choimeád, a chur i gcúrsaíocht agus a úsáid.

- (85) I dteannta na gcaighdeán margáochta, ba cheart téarmaí cáilíochta roghnacha a bhunú chun a áirithiú nach mbainfeadh mí-úsáid sa mhargadh as téarmaí a chuireann síos ar thréithe táirgí sonracha nó ar airíonna feirmeoireachta nó próiseála agus go bhféadfaidh tomhaltóirí muinín a bheith acu as na téarmaí sin agus cáilíochtaí éagsúla táirgí á sainiúint acu. I bhfianaise chuspóirí an Rialacháin seo agus ar mhaithe le soiléire, ba cheart téarmaí roghnacha cáilíochta atá ann cheana a liostú sa Rialachán seo.
- (86) Ba cheart go mbeadh cead ag na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir le táirgí fíona a dhiúscairt nach gcomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo. Chun a áirithiú go gcuirfeadh i bhfeidhm rialacha náisiúnta maidir le táirgí fíona i gceart agus ar bhealach trédhearcach, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir le coinníollacha a shocrú i ndáil le táirgí fíona a úsáid nach bhfuil ceanglais an Rialacháin seo á gcomhlíonadh acu.
- (87) D'fhonn an cás sa mhargadh a chur san áireamh mar aon le forbairtí sna caighdeáin mhargáochta agus sna caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i leith téarma roghnacha coimeáda breise a fhorchoimeád agus lena leagtar síos coinníollacha maidir lena úsáid, agus lena leasaítear na coinníollacha úsáide i ndáil le téarma roghnacha coimeáda, mar aon le téarma roghnacha coimeáda a chur ar ceal.
- (88) Chun saintréithe eárnálacha áirithe agus ionchais na dtomhaltóirí a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i leith sonraí breise maidir leis na ceanglais chun téarma coimeáda breise a thabhairt isteach.
- (89) Chun a áirithiú go mbeidh na táirgí a ndéantar tuairisc orthu le téarmaí roghnacha coimeáda i gcomhréir leis na coinníollacha úsáide infheidhme, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir le rialacha breise i ndáil le húsáid téarmaí roghnacha coimeáda.
- (90) Chun na saintréithe sonracha saintréithe sonracha i dtrádáil idir an tAontas agus tríú tíortha áirithe agus nádúr speisialta táirgí áirithe talmhaíochta a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir leis na coinníollacha faoina measfar go bhfuil táirgí allmhairithe i gcomhréir, go leibhéal coibhéseach, le ceanglais an Aontais a bhaineann le caighdeáin mhargáochta agus lena n-údarófar bearta a dhéanfaidh maolú ó na rialacha nach margófaí táirgí san Aontas ach amháin i gcomhréir le caighdeáin den sórt sin agus leis na rialacha a bhaineann leis na caighdeáin mhargáochta a chur i bhfeidhm ar tháirgí a onnmhairítear ón Aontas.
- (91) Ba cheart forálacha maidir le fíon a chur i bhfeidhm i bhfianaise na gcomhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích i gcomhréir le CFAE.
- (92) Tá coincheap na bhfionta d'ardchaighdeán san Aontas bunaithe ar, inter alia, na saintréithe sonracha inchurtha i leith thionscnamh geografach an fhíona sin. Aithnítear na fionta sin do na tomhaltóirí trí shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografacha faoi chosaint. Ionas go mbeidh creat trédhearcach agus níos mionléirithe mar chranntaca don cháilíocht a mhaíonn na táirgí lena mbaineann, ba cheart córas a bhunú ina ndéantar iarratais ar shonrúcháin tionscnaimh nó ar thásc geografach a scrúdú i gcomhréir leis an gcur chuige a leantar de réir bheartas cáilíochta cothrománach an Aontais, ar beartas é is infheidhme maidir le bia-ábhair nach fíon nó biotáillí iad a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.
- (93) Chun na tréithe cáilíochta ar leith a chaomhnú atá ag fionta ag a bhfuil sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó tásca geografach faoi chosaint, ba cheart na Ballstáit a údarú rialacha níos déine a chur i bhfeidhm ina leith sin.
- (94) Chun cáiliú do chosaint san Aontas, ba cheart sonrúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i gcomhair fíona a aithint agus a chlárú ar leibhéal an Aontais i gcomhréir le rialacha nós imeachta arna leagan síos ag an gCoimisiún.
- (95) Ba cheart cosaint a bheith ar fáil do shonrúcháin tionscnaimh agus do thásca geografacha tríú tíortha i gcás ina bhfuil siad faoi chosaint ina dtír thionscnaimh.
- (96) Ba cheart, de bharr an nós imeachta clárúcháin, aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige i mBallstát nó i dtríú tír a bheith in ann a chearta a fheidhmiú trí fhógra a thabhairt i dtaobh a agóidí.
- (97) Ba cheart sonrúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha atá cláraithe a chosaint ar úsáidí a bhaineann leas as clú na dtáirgí a chomhlíonann na coinníollacha. Chun iomaíocht chothrom a chur chun cinn agus ionas nach gcuirfeadh tomhaltóirí amú, ba cheart leis an gcosaint sin go gcuimseofaí táirgí agus seirbhísí nach bhfuil cumhdaithe ag an Rialachán seo, lena n-áirítear na cinn nach bhfuil in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Conarthaí.
- (98) Chun cleachtais lipéadaithe atá ann cheana a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil lena cheadú ainm cineáil fionchaor a úsáid ar sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó tásca geografach faoi chosaint é nó a bhfuil an sonrúcháin sin nó an tásca sin mar chuid de.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus d'earraí bia (IO L 343, 14.12.2012, lch. 1).

- (99) Chun saintréithe sonracha saintréithe sonracha an táirgthe sa limistéar geografach críochaithe a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil leis na critéir bhreise a bhaineann le críochú an limistéir geografacha, na srianta agus na maoluithe a bhaineann leis an táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe.
- (100) Chun cáilíocht agus inrianaitheacht táirgí a áirithiú, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil leis na coinníollacha faoina bhféadtar ceanglais bhreise a áireamh sna sonraíochtaí táirgí.
- (101) Chun cosaint cearta nó leasanna dlisteanacha táirgeoirí agus oibreoirí a áirithiú, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir leis an gcineál iarratasóra a fhéadfaidh cur isteach ar chosaint sonrúcháin tionscnaimh nó táisc geografacha; na coinníollacha atá le comhlíonadh i ndáil le hiarratas ar chosaint sonrúcháin tionscnaimh nó táisc geografacha, grinnscrúdú a dhéanann an Coimisiún, an nós imeachta agóide, agus nós imeachta maidir le leasú, cealú agus tiontú sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó táisc geografacha faoi chosaint; na coinníollacha is infheidhme maidir le hiarratais trasteorann; na coinníollacha i gcomhair iarratas a bhaineann le limistéir geografacha i dtríú tír; an dáta óna mbeidh feidhm ag cosaint nó ag leasú ar chosaint; agus na coinníollacha a bhaineann le leasuithe ar shonraíochtaí táirgí.
- (102) Chun cosaint leordhóthanach a áirithiú, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil le srianta ar an ainm faoi chosaint.
- (103) Chun a áirithiú nach ndéanfaidh cur i bhfeidhm an Rialacháin seo dochar míchuí d'oibreoirí eacnamaíocha ná d'údaráis inniúla a mhéid is a bhaineann le hainmneacha fionta dár deonaíodh cosaint roimh an 1 Lúnasa 2009, nó a ndearnadh iarratas ar chosaint ina leith roimh an dáta sin, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir le rialacha idirthréimhseacha a leagan síos i ndáil le hainmneacha fionta mar sin, fionta a cuireadh ar an margadh nó a lipéadaíodh roimh dháta sonracha.
- (104) Úsáidtear téarmaí áirithe go traidisiúnta san Aontas lena dtugtar faisnéis do na tomhaltóirí faoi thréithe ar leith agus faoi cháilíocht na bhfionta lena gcomhlánaítear an fhaisnéis a thugtar sna sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus sna tásca geografacha faoi chosaint. Chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus iomaíocht chothrom a áirithiú agus ionas nach gcuirfeadh tomhaltóirí amú, ba cheart na téarmaí traidisiúnta sin a bheith incháilithe chun cosaint a fháil san Aontas.
- (105) Chun cosaint leordhóthanach a áirithiú, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil leis an teanga agus le litriú téarma traidisiúnta atá le cosaint.
- (106) Chun cosaint cearta dlisteanacha táirgeoirí agus oibreoirí a áirithiú, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir leis an gcineál iarratasóra a fhéadfaidh cur isteach ar chosaint téarma traidisiúnta; coinníollacha bailíochta iarratais ar chosaint téarma traidisiúnta; na forais le haghóid a dhéanamh i gcoinne aitheantais bheartaithe le haghaidh téarma traidisiúnta; raon feidhme na cosanta, lena n-áirítear an gaol le trádmhairc, téarmaí traidisiúnta faoi chosaint, sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó tásca geografacha faoi chosaint, comhainmneacha, nó ainmneacha áirithe fíonchaor; na forais le cealú téarma traidisiúnta; an dáta a gcuirfeadh isteach iarratas nó iarraidh; agus na nósanna imeachta atá le leanúint i ndáil le hiarratas ar chosaint téarma traidisiúnta, lena n-áirítear grinnscrúdú atá le déanamh ag an gCoimisiún, nósanna imeachta agóide agus na nósanna imeachta maidir le cealú agus modhnú.
- (107) Chun na saintréithe sonracha saintréithe sonracha i dtrádáil idir an tAontas agus tríú tíortha áirithe a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir leis na coinníollacha faoina bhféadfar téarmaí traidisiúnta a úsáid ar tháirgí ó thríú tíortha agus lena bhforálfar do mhaoluithe gaolmhara.
- (108) Is féidir le tuairisc, sonrúcháin agus cur i láthair táirgí de chuid earnáil an fhíona, atá cumhdaithe ag an Rialachán seo, tionchar suntasach a imirt ar indíoltacht na dtáirgí sin. D'fhéadfaidh difríochtaí idir dlíthe na mBallstát maidir le lipéadú táirgí fíona bac a chur ar fheidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh. Ba cheart dá bhrí sin rialacha a leagan síos ina gcuirtear san áireamh leas dlisteanacha na dtomhaltóirí agus na dtáirgeoirí. Ar an ábhar sin, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le rialacha de chuid an Aontais i dtaca le lipéadú agus le cur i láthair.
- (109) D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar cleachtais lipéadaithe atá ann cheana, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil le himthosca eisceachtúla a thugann bonn cirt na téarmaí 'sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint' nó 'tásc geografach faoi chosaint' a fhágáil ar lár.
- (110) Chun na saintréithe sonracha saintréithe sonracha i earnáil an fhíona a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i leith cur i láthair agus úsáid sonraí lipéadaithe seachas na cinn dá bhforáiltear sa Rialachán seo; sonraí áirithe éigeantacha agus roghnacha.

- (111) Chun cosaint leasanna dlisteanacha na n-oibreoirí a áirithiú, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir le fionta a lipéadú agus a chur i láthair go sealadach a bhfuil sonrúchán tionscnaimh nó tásca geografach acu, i gcás ina gcomhlíonann an sonrúchán tionscnaimh nó an tásca geografach sin na ceanglais is gá.
- (112) Chun a áirithiú nach ndéanfar dochar d'oibreoirí eacnamaíocha, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i leith forálacha idirthréimhseacha maidir le fionta a chuirtear ar an margadh agus atá lipéadaithe i gcomhréir leis na rialacha ábhartha a bhí i bhfeidhm roimh an 1 Lúnasa 2009.
- (113) Chun na saintréithe sonracha saintréithe sonracha i dtrádáil táirgí earnáil an fhíona idir an tAontas agus tríú tíortha áirithe a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil leis na maoluithe ar rialacha maidir le lipéadú agus le cur i láthair i ndáil le táirgí atá le honnmhairiú i gcás ina gceanglaítear sin de réir dhlí an tríú tír lena mbaineann.
- (114) Beidh ionstraimí sonracha ag teastáil fós agus deireadh tagtha leis an gcóras cuóta chun cothroime ceart agus oibleagáidí a áirithiú idir gnóthais siúcra agus saothraithe biatais siúcra. Dá bhrí sin, ba cheart na forálacha caighdeánacha lena rialaítear comhaontuithe i scríbhinn laistigh den thrádáil a thugtar chun críche eatarthu a bhunú.
- (115) Leis an athchóiriú a rinneadh ar an gcóras siúcra in 2006, tugadh isteach athruithe forleathana ar earnáil an tsiúcra san Aontas. Ionas go mbeidh saothraithe biatais siúcra in ann a n-oiriúnú don staid mhargaidh nua agus do treoshuíomh margaidh méadaithe na hearnála a thabhairt chun críche, ba cheart síneadh a chur le córas na gcúotáí siúcra atá ann faoi láthair go dtí go gcuirfead deireadh leis ag deireadh na bliana margaiochta 2016/2017.
- (116) Chun saintréithe sonracha earnáil an tsiúcra a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir leis an sainmhíniú teicniúla i ndáil le hearnáil an tsiúcra a thabhairt cothrom le dáta; na téarmaí ceannaigh do biatais a leagtar síos sa Rialachán seo a thabhairt cothrom le dáta; agus tuilleadh rialacha maidir le cinntí i dtaca le hollmhéachan, táir agus cion biatas siúcra a sheachadtar chuig gnóthas chomh maith le rialacha maidir le laíon biatais.
- (117) Léirítear leis an taithí atá faighte le déanaí an gá atá le bearta sonracha chun soláthar leordhóthanach siúcra chuig margadh an Aontais áirithiú i rith thréimhse na gcúotáí siúcra atá fágtha.
- (118) D'fhonn saintréithe sonracha earnáil an tsiúcra a chur san áireamh agus d'fhonn a áirithiú go gcuirfead leas na bpáirtithe go léir san áireamh mar is cuí, agus ó tharla gur gá aon suaitheadh ar an margadh a chosc, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i leith téarmaí ceannaigh agus conarthaí seachadta; nuashonrú na dtéarmaí ceannaigh le haghaidh biatais a leagtar síos sa Rialachán seo, agus na critéir sin atá le cur i bhfeidhm ag gnóthais siúcra nuair atá na cainníochtaí biatais atá le cumhdach ag conarthaí réamhchurtha seachadta á leithdháileadh i measc díoltóirí biatais.
- (119) D'fhonn forbairtí teicniúla a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh, i ndáil le liosta táirgí a bhunú a bhféadfar siúcra tionsclaíoch, iseaghlúcós tionsclaíoch nó sioróip ionúiline thionsclaíoch a úsáid lena dtáirgeadh.
- (120) Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na gnóthais formheasta a tháirgeann siúcra, iseaghlúcós nó sioróip ionúiline a n-oibleagáidí, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh, maidir le formheas a dheonú do na gnóthais sin agus a tharraingt siar uathu, chomh maith leis na critéir le haghaidh pionóis riaracháin.
- (121) D'fhonn saintréithe sonracha earnáil an tsiúcra a chur san áireamh agus d'fhonn a áirithiú go gcuirfead leas na bpáirtithe go léir san áireamh mar is cuí, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir le brí na dtéarmaí le haghaidh oibriú an chórais cuótaí agus maidir leis na coinníollacha lena rialaítear díolacháin chuig na réigiúin is forimeallaí.
- (122) D'fhonn a áirithiú go bhfuil dlúthbhaint ag na saothraithe le cinneadh cainníocht áirithe den táirgeadh a thabhairt ar aghaidh, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir le siúcra a thabhairt ar aghaidh.
- (123) Chun na deiseanna fionsaothrúcháin a bhainistiú níos fearr ba cheart do na Ballstáit fardal a n-acmhainneachta táirgthe, bunaithe ar an gclár fíonghort, a chur i bhfíorú don Choimisiún. Chun na Ballstáit a spreagadh chun an fardal a chur in iúl, ba cheart don tacaíocht d'athstruchtúrú agus d'athchóiriú a bheith teoranta do na Ballstáit sin a chuir an fardal in iúl.
- (124) Chun a éascú do Bhallstáit faireachán a dhéanamh ar an acmhainneacht táirgthe agus í a fhíorú, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil le hábhar an chláir fíonghort agus i ndáil le díolúintí.
- (125) Chun foráil a dhéanamh maidir le leibhéal sásúil inrianaitheachta do na táirgí lena mbaineann, go háirithe ar mhaithe le cosaint tomhaltóirí, ba cheart go gceanglófaí go mbeadh doiciméad tionlacain ag gabháil le táirgí uile earnáil an fhíona atá cumhdaithe ag an Rialachán seo agus iad ag cúrsaí laistigh den Aontas.

- (126) Chun iompar táirgí fíona agus fíorú an iompair sin ag Ballstáit a éascú, ba cheart an chumhacht a tharmligeán don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil le rialacha maidir leis an doiciméad faoi iamh agus úsáid an doiciméid sin maidir leis na coinníollacha faoina measfar go bhfuil sonrúcháin tionscnaimh nó tásca geografacha faoi chosaint á ndeimhniú ag doiciméad faoi iamh; maidir le hoibleagáid clár a choimeád agus maidir le húsáid an chláir sin; maidir lena shonrú cé a choimeádfaidh clár agus maidir le díolúintí ón oibleagáid clár a choimeád; agus maidir leis na hoibríochtaí atá le bheith ar áireamh sa chláir.
- (127) In éagmais reachtaíochta de chuid an Aontais maidir le conarthaí scríofa agus curtha ar bhonn foirmiúil, féadfaidh Ballstáit, faoin dlí náisiúnta na gconarthaí, cinneadh a dhéanamh go mbeidh úsáid na gconarthaí sin éigeantach ar choinníoll go n-urramofaí dlí an Aontais sa dóigh sin agus go háirithe go n-urramofaí feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus chomheagraíocht an mhargaidh. I bhfianaise éagsúlacht na gcásanna ar fud an Aontais, agus chun leasa na coimhdeachta, ba cheart an cinneadh sin a fhágáil faoi na Ballstáit. Chun íoschaighdeáin iomchuí a áirithiú do na conarthaí sin in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne, áfach, mar aon le feidhmiú chuí an mhargaidh inmheánaigh agus chomheagraíocht na margáí, ba cheart roinnt coinníollacha bunúsacha a leagan síos ar leibhéal an AE maidir le húsáid na gconarthaí sin. Ba cheart na coinníollacha bunúsacha sin go léir a chaibidlíú go neamhsrionta. Ós rud é go bhféadfadh sé go bhfuil rialacha leis an éifeacht chéanna ag comharchumainn déiríochta áirithe ina reachtanna, ba cheart iad a dhíolmhú, ar mhaithe le simplíocht, ón gceanglas maidir le conarthaí a dhéanamh. Chun éifeachtacht córais conarthaí den sórt sin a neartú, ba cheart do na Ballstáit cinneadh a dhéanamh ar cheart go mbeadh feidhm acufreisin i gcás ina mbailíonn páirtithe idirmheánacha bainne ó fheirmeoirí lena sheachadadh chuig lucht próiseála.
- (128) Chun a áirithiú go ndéanfar táirgeadh a fhorbairt ar bhealach inmharthana agus mar thoradh ar sin caighdeán réasúnta maireachtála a áirithiú d'fheirmeoirí déiríochta, ba cheart a gcumhacht margála i dtaobh próiseálaithe a neartú agus ba cheart leithdháileadh níos cothroime ar an mbreisluach feadh an tslabhra soláthair a bheith mar thoradh air sin. Chun na cuspóirí sin de chuid CBT a bhaint amach, ba cheart foráil a ghlacadh de bhun Airteagal 42 agus Airteagal 43(2) CFAE chun a cheadú d'eagraíochtaí táirgeoirí comhdhéanta d'fheirmeoirí déiríochta nó dá gcomhlachais, téarmaí conartha, lena n-áirítear praghas, a chaibidlíú go comhpháirteach i gcomhair tháirgeadh bhainne amh a gcomhaltaí ar fad nó cuid díobh le déirí. Chun iomaíocht éifeachtach sa mhargadh déiríochta a choimeád, ba cheart an deis seo a bheith faoi réir srianta iomchuí cainníochtúla. Ionas nach mbainfeadh an bonn d'fheidhmiú éifeachtach comharchumann agus ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart a shonrú i gcás ina ngabhann, le ballraíocht feirmeora i gcomharchumann, oibleagáid a bheith ann i dtaca le táirgeadh bainne uile an fheirmeora sin, nó cuid de, bainne amh a sheachadadh, a bhfuil na coinníollacha chuige sin leagtha amach laistigh de reachta an chomharchumainn nó sna rialacha nó sna cinntí atá bunaithe orthu siúd, níor cheart go mbeadh na coinníollacha sin faoi réir caibidlíochta trí eagraíocht táirgeoirí.
- (129) I bhfianaise a thábhachtaí atá sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografacha faoi chosaint, go háirithe do réigiúin íogaire tuaithe, agus chun an breisluach a áirithiú agus chun cáilíocht cáiseanna a bhaineann tairbhe as sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus as tásca geografacha, go háirithe, a choimeád, agus i gcomhthéacs chóras na gcúotáí bainne a bheidh ag dul in éag, ba cheart go gceadófaí do na Ballstáit rialacha a chur i bhfeidhm chun soláthar iomlán na cáise sin a bheidh á táirgeadh sa limistéar geografach sainithe a rialú arna iarraidh sin d'eagraíocht idirchraoibhe, eagraíocht táirgeoirí nó grúpa táirgeoirí mar a shainmhínítear iad i Rialachán (AE) Uimhir 1151/2012. Ba cheart go mbeadh an iarraidh sin á tacú ag tromlach mór de tháirgeoirí bainne, ar tromlach é a sheasann do thromlach mór na toirte bainne a úsáidtear don cháis sin, agus i gcás grúpaí agus eagraíochtaí idirchraoibhe, ag tromlach mór de tháirgeoirí cáise a sheasann do thromlach mór de thoirte na cáise.
- (130) D'fhonn na forbairtí sa mhargadh a leanúint, tá faisnéis thráthúil ar thoirte an bhainne amh arna sheachadadh de dhíth ón gCoimisiún. Ba cheart, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfeadh an chéad cheannaitheoir an fhaisnéis sin in iúl do na Ballstáit ar bhonn tráthrialta agus go dtabharfadh an Ballstát fógra don Choimisiún faoi sin.
- (131) Is féidir ról fóna a bheith ag eagraíochtaí táirgeoirí agus ag a gcomhlachais leis an soláthar a chomhchruinniú agus maidir le margáíocht agus planáil a fheabhsú, le táirgeacht a oiriúnú don éileamh, le barrfheabhas a chur ar na costais táirgthe, le praghsanna táirgeoirí a chobhsú, le taighde a dhéanamh, le dea-chleachtais a chur chun cinn, le cúnaimh teicniúil a chur ar fáil, le fotháirgí a bhainistiú agus le huirlisí bainistithe riosca a bhainistiú atá ar fáil dá gcuid comhaltaí, agus ag rannchuidiú ar an gcaoi sin le seasamh na dtáirgeoirí sa slabhra bia a neartú.
- (132) Féadfaidh eagraíochtaí idirchraoibhe ról tábhachtach a bheith acu maidir le hidirphlé a cheadú gníomhairí i slabhra soláthair agus i ndea-chleachtais agus trédhearcacht sa mhargadh a chur chun cinn.
- (133) Na rialacha atá ann faoi láthair maidir le heagraíochtaí táirgeoirí, a gcomhlachais agus a n-eagraíochtaí idirchraoibhe a shainmhíniú agus aitheantas a thabhairt dóibh, ba cheart iad a chomhchuíbiú, a shruthlíniú agus a shíneadh chun foráil d'aitheantas a d'fhéadfaí a bheith i gceist ach é a iarraidh faoi reachtanna a leagtar amach i gcomhréir leis an Rialachán seo i gcás earnálacha

- áirithe. Go háirithe, ba cheart a áiritiú le critéir agus reachtanna aitheantais na n-eagraíochtaí táirgeoirí go bhfoirmeofar na comhlachtaí ar thionscnamh na dtáirgeoirí agus go rialófar iad i gcomhréir leis na rialacha lena gcumasófar do chomhaltaí táirgeora a n-eagraíocht agus a cuid cinntí a scrúdú ar bhealach daonlathach.
- (134) Na forálacha atá ann faoi láthair in earnálacha éagsúla, ar forálacha iad lena méadaítear tionchar eagraíochtaí táirgeoirí, a gcomhlachas agus eagraíochtaí idirchraoibhe trína cheadú do Bhallstáit, i ndálaí áirithe, rialacha áirithe d'eagraíochtaí den sórt sin a shíneadh go hoibreoírí nach baill iad, is léir go bhfuil siad éifeachtach agus ba cheart iad a chomhchuíbhiú, a chuíchóiriú agus a shíneadh go gach earnáil.
- (135) Ba cheart foráil a dhéanamh go bhféadfaí bearta áirithe a ghlacadh chun oiriúnú an tsoláthair do riachtanais an mhargaidh a éascú, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chuidiú chun na margáil a chobhsú agus caighdeán cóir maireachtála a áiritiú don phobal talmhaíochta lena mbaineann.
- (136) Chun eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe a spreagadh chun gníomhaíochta maidir leis an soláthar a chur in oiriúint do riachtanais an mhargaidh, seachas gníomhaíocht a bhaineann le tarraingt siar ón margadh, ba cheart an chumhacht a tharmligeán don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir le bearta lena ndéantar an cháilíocht a fheabhsú; eagrú feabhsaithe an táirgthe, na próiseála agus na margáíochta a chur chun cinn; taifeadh treochtaí i bpraghsanna an mhargaidh a éascú; agus chun a cheadú réamh-mheastacháin ghearrt-héarmacha agus fhadtéarmacha a bhunú ar bhonn na modhanna táirgthe a úsáideadh.
- (137) Chun feidhmiú an fhíonmhargaidh a fheabhsú, ba cheart na Ballstáit a bheith ábalta cinntí arna ndéanamh ag eagraíochtaí idirchraoibhe a chur chun feidhme. Ba cheart cleachtais a d'fhéadfadh an iomaíocht a shaobhadh go mór a bheith ar eisiámh ó raon feidhme na gcinntí sin, áfach.
- (138) Cé go gcumhdaítear conarthaí scríofa, curtha ar bhonn foirmiúil, san earnáil bhainne le forálacha ar leith, d'fhéadfadh úsáid na gconarthaí sin cabhrú le freagracht na n-oibreoírí in earnálacha eile agus a bhfeasacht a mhéadú maidir leis an ngá le comharthaí an mhargaidh a chur san áireamh ar bhealach níos fearr, tarchur praghsanna a fheabhsú agus soláthar a oiriúnú don éileamh, chomh maith le cleachtais tráchtála mhíchothroma áirithe a sheachaint. In éagmais reachtaíocht Aontais maidir le conarthaí den sórt sin, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, faoin dlí náisiúnta conarthaí, úsáid na gconarthaí sin a dhéanamh éigeantach ar choinníoll go n-urramaítear dlí an Aontais agus an méid sin á dhéanamh agus go háirithe go n-urramaítear feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus comheagrú an mhargaidh.
- (139) Chun forbairt inmharthana táirgthe agus dá bhrí sin caighdeán maireachtála atá cothrom do tháirgeoirí sna hearnálacha maireteola, laofheola agus ola olóige, agus do tháirgeoirí barra curaíochta áirithe a áiritiú, ba cheart a gcumhacht margála i dtaobh oibreoírí iartheachacha a neartú, agus ar an gcaoi sin dáileadh níos cothroime luacha a bhaint amach feadh an tslabhra soláthair. Chun na cuspóirí CBT sin a bhaint amach, ba cheart go mbeadh eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta in ann caibidlíocht a dhéanamh, faoi réir teorainneacha cainníochtúla, téarmaí na gconarthaí seachadta, lena n-áirítear praghsanna, i leith roinnt de tháirgeacht na gcomhaltaí, ar choinníoll go saothraíonn na heagraíochtaí ceann amháin nó níos mó ná ceann amháin de na cuspóirí maidir le, soláthar a chomhchruinniú, na táirgí a tháirgeann a gcuid comhaltaí a chur ar an margadh agus barrfheabhas a chur ar chostais táirgthe agus go n-eascrófadh as saothrú na gcuspóirí sin comhtháthú na ngníomhaíochtaí agus ar an coinníoll go nginfear leis an gcomhtháthú sin éifeachtúlacht shonrach ionas go gcuirfidh gníomhaíochtaí na heagraíochta táirgeoirí ina hiomlán le baint amach chuspóirí Airteagal 39 CFAE. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach ar choinníoll go ndéanfaidh an eagraíocht táirgeoirí gníomhaíochtaí sonracha áirithe agus go mbeadh na gníomhaíochtaí sin suntasach i dtéarmaí mhéid na táirgeachta lena mbaineann agus i dtéarmaí chostas na táirgeachta agus chostas an táirge a chur ar an margadh.
- (140) Chun an breisluach a áiritiú, agus chun caighdeán liamháis shailte a bhaineann leas as sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó tásca geografach faoi chosaint a choimeád ar bun, ba cheart ligean do Bhallstáit, faoi réir coinníollacha docta, rialacha a chur i bhfeidhm chun soláthar an liamháis shailte sin a rialáil, ar choinníoll go dtacaíonn tromlach mór tháirgeoirí an liamháis sin na rialacha sin agus, i gcás inarb iomchuí, tromlach mór tháirgeoirí na muc sa limistéar geografach a bhaineann leis an liamhás sin.
- (141) Beart dian is ea clárú gach conartha soláthair a bhaineann le leannlusanna arna dtáirgeadh san Aontas agus ba cheart deireadh a chur leis.
- (142) D'fhonn a áiritiú go ndéanfar cuspóirí agus freagrachtaí eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe a shainiú go soiléir chun cur lena éifeachtaí atá gníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí agus na gcomhlachas sin gan ualach riaracháin míréireach agus gan baint de phrionsabail shaoirse an chomhlachais go háirithe i ndáil le neamh-chomhaltaí na n-eagraíochtaí sin, ba cheart an chumhacht a tharmligeán don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir leis na rialacha i ndáil leis an méid a leanas:
- na cuspóirí sonracha a fhéadfaidh, a chaithfidh nó nach gcaithfidh na heagraíochtaí sin agus na comhlachais sin a shaothrú agus i gcás inarb iomchuí a chur leis na cuspóirí a leagtar síos sa Rialachán seo; rialacha na n-eagraíochtaí agus na gcomhlachas sin, reachtanna eagraíochtaí seachas eagraíochtaí táirgeoirí, na coinníollacha sonracha is infheidhme maidir le reachtanna na n-eagraíochtaí táirgeoirí in earnálacha

áirithe, lena n-áirítear maoluithe, an struchtúr, an tréimhse ballraíochta, méid, cuntasacht dhaonlathach agus gníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí sin agus na gcomhlachas sin, na héifeachtaí a eascraíonn as an aitheantas as cumaisc; na coinníollacha maidir leis an aitheantas, le haitheantas a tharraingt siar nó a chur ar fionraí, na héifeachtaí a thagann astu sin, chomh maith leis na ceanglais maidir le bearta feabhais a dhéanamh mura n-urramaítear na critéir aitheantais;

eagraíochtaí trasnáisiúnta agus comhlachais thrasnáisiúnta agus na rialacha a bhaineann le cúnaimh riaracháin i gcás comhair thrasnáisiúnta; na hearnálacha atá faoi réir údarú na mBallstát a bhfuil feidhm ag seachfhoinisú maidir leis agus coinníollacha agus cineál na ngníomhaíochtaí a fhéadfar a sheachfhoinisú agus soláthar acmhainní teicniúla ag eagraíochtaí nó comhlachais; an bonn ar a ríomhfar íosmhéid nó íosluach de tháirgeadh indíolta eagraíochtaí agus comhlachas; rialacha maidir le ríomh mhéid an bhainne amh a chumhdaítear le caibidlíocht ag eagraíocht táirgeoirí, glacadh comhaltaí nach táirgeoirí iad i gcás eagraíochtaí táirgeoirí nó nach eagraíochtaí táirgeoirí iad i gcás comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí;

rialacha áirithe de chuid na n-eagraíochtaí a shíneadh go táirgeoirí nach comhaltaí iad agus íocaíocht éigeantach síntiús ag táirgeoirí nach comhaltaí iad, lena n-áirítear an úsáid a bhaineann na heagraíochtaí sin as an íocaíocht sin agus an bealach a leithdháiltear í agus liosta de rialacha táirgthe atá níos déine is féidir a shíneadh, tuilleadh ceanglas maidir le hionadaíochas, na limistéir eacnamaíocha lena mbaineann, lena n-áirítear grinnscrúdú ar a sainiú ag an gCoimisiún, íostréimhsí inar cheart go mbeadh feidhm ag na rialacha lena linn sula gcuirfeadh síneadh leo, na daoine nó na heagraíochtaí is féidir na rialacha nó na ranníocaíochtaí a chur i bhfeidhm orthu, agus na himthosca inar féidir leis an gCoimisiún a éileamh go ndéanfaí síneadh na rialacha nó na ranníocaíochtaí éigeantacha a shéanadh nó a aistarraingt.

- (143) Is é an rud is tábhachtaí maidir le faireachán sreabhach tráchtála bainistiú a dhéanamh ar bhealach solúbtha. Ba cheart an cinneadh a dhéanamh faoi cheanglais cheadúnaithe a thabhairt isteach ag cur san áireamh an gá atá le ceadúnais ó thaobh bhainistiú na margáí lena mbaineann agus, go háirithe, chun faireachán a dhéanamh ar allmhairiú nó ar onnmhairiú na dtáirgí atá i gceist.
- (144) D'fhonn a chur san áireamh oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais agus na caighdeáin sóisialta, comhshaoil agus leasa ainmhithe is infheidhme de chuid an Aontais, an gá atá le faireachán a dhéanamh ar fhorás na trádála agus forbairtí sa mhargadh, ar allmhairiú agus ar onnmhairiú na dtáirgí, mar aon leis an ngá atá ann an margadh a bhainistiú ar bhonn fóna agus an gá atá leis an ualach riaracháin a laghdú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir le liosta na dtáirgí a bheidh faoi réir ceadúnais onnmhairithe nó allmhairithe a thíolacadh; agus na

cásanna agus na staideanna nach bhfuil sé de cheangal iontu ceadúnas allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin a thíolacadh.

- (145) Chun gnéithe eile de chóras na gceadúnas a chur ar fáil, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil le rialacha maidir leis an méid seo a leanas: na cearta agus na hoibleagáidí a dhíorthófar ón gceadúnas agus a éifeachtaí dlíthiúla agus na cásanna ina bhfuil feidhm ag lamháltas maidir le hurramú na hoibleagáide allmhairiú nó onnmhairiú a dhéanamh ar an méid atá luaite sa cheadúnas nó i gcás ina luafar an tionscnamh, foráil a dhéanamh go mbeidh eisiúint ceadúnais allmhairiúcháin nó scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta faoi réir tíolacadh doiciméid arna eisiúint ag tríú tír nó ag eintiteas a dheimhníonn, inter alia, tionscnamh, barántúlacht agus saintréithe cáilíochta na dtáirgí; aistriú an cheadúnais nó srianta ar an inaistritheacht sin; coinníollacha breise do cheadúnais allmhairiúcháin i gcomhair cnáibe agus prionsabal an chúnamh riaracháin idir Bhallstáit chun calaois nó neamhrialtachtaí a chosc nó chun déileáil leo; agus na cásanna agus na himthosca a chinneadh a bhfuil sé de cheangal iontu nó nach bhfuil sé de cheangal iontu urrús a thaisceadh lena ráthaítear go ndéanfar na táirgí a allmhairiú nó a onnmhairiú laistigh de thréimhse bailíochta an cheadúnais.
- (146) Tá eilimintí riachtanacha na ndleachtanna custaim is infheidhme maidir le táirgí talmhaíochta, lena léirítear comhaontuithe na hEagraíochta Domhanda Trádála, leagtha síos sa Chomhtharaif Chustaim. Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún bearta a ghlacadh chun dleachtanna allmhairiúcháin a ríomh go mionsonraithe de bhun na n-eilimintí riachtanacha sin.
- (147) Ba cheart córas an phraghais iontrála a choimeád do tháirgí áirithe. Chun éifeachtúlacht chóras an phraghais iontrála a áirithiú, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i leith fírinneacht phraghas dearbhaithe na coinsíneachta a sheiceáil trí leas a bhaint as luach allmhairiúcháin ar ráta comhréidh agus na coinníollacha a sholáthar faoina gceanglófar urrús a thaisceadh.
- (148) Ba cheart dleacht bhreise a bheith iníochta i gcás allmhairiú táirgí áirithe talmhaíochta, má chomhlíontar coinníollacha áirithe, chun cosc a chur ar na tionchair dhíobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag allmhairí de na táirgí dá leithéid ar mhargadh an Aontais nó le dul i ngleic leis na tionchair sin.
- (149) Is iomchuí, faoi choinníollacha áirithe, cuótaí taraifí allmhairiúcháin a oscailt agus a riar, ar cuótaí taraifí iad a thagann ó chomhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích i gcomhréir le CFAE nó ó ghníomhartha eile. An modh riaracháin a ghlacfar, ba cheart leis, i gcás cuótaí taraifí allmhairiúcháin, an aird is cuí ar riachtanais soláthair mhargadh táirgthe, próiseála agus tomhaltais an Aontais, idir an táirgeadh atá ann cheana agus an táirgeadh atá ag teacht chun cinn, i dtaca le hiomaíochas, le deimhneacht agus le leanúnachas an tsoláthair agus ar an ngá atá le cothromaíocht an mhargaidh a chosaint.

- (150) Chun na gealltanais a tugadh faoi na comhaontuithe a tugadh chun críche le linn Bhabhta Uragua de chaibidlíochtaí iltaobhacha trádála maidir le cuótaí taraife i leith 2 000 000 tona arbhair Indiaigh agus 300 000 tona sorghuim a allmhairiú isteach sa Spáinn, agus maidir le cuótaí ráta taraife i leith 500 000 tona abhair Indiaigh a allmhairiú isteach sa Phortaingéil, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil leis na forálacha is gá a bhunú chun na hallmhairithe cuóta taraife a thabhairt chun críche agus, i gcás inarb iomchuí, maidir leis na méideanna arna n-allmhairiú ag gníomhaireachtaí íocaíochta na mBallstát lena mbaineann a stóráil go poiblí.
- (151) Chun rochtain chothrom ar na cainníochtaí atá ar fáil a áirithiú agus chun cóir chomhionann d'oibreoirí laistigh den chuóta taraife a áirithiú, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil leis an méid seo a leanas: lena gcinnteofar na coinníollacha agus na ceanglais cháilitheachta nach mór d'oibreoir a chomhlíonadh chun iarratas a chur isteach laistigh den chuóta taraife; lena mbunófar rialacha maidir le cearta a aistriú idir oibreoirí agus i gcás inar gá, na teorainneacha le haistriú laistigh de bhainistiú an chuóta taraife; rannpháirtíocht sa chuóta taraife a chur faoi réir urrús a thaisceadh; foráil a dhéanamh, i gcás inar gá, d'aon saintréithe sonracha, riachtanais nó srianta is infheidhme maidir leis an gcuóta taraife arna leagan amach sa chomhaontú idirnáisiúnta nó i ngníomh eile lena mbaineann.
- (152) I gcásanna áirithe féadfar leas a bhaint as cóireáil speisialta allmhairiúcháin do táirgí talmhaíochta i dtríú tíortha má chomhlíonann na táirgí sonraíochtaí áirithe agus/nó coinníollacha maidir le praghsanna. Ní mór comhar riaracháin a bheith ann idir údaráis na tríú tíre allmhairiúcháin agus an tAontas lena áirithiú go gcuirfean an córas sin i bhfeidhm i gceart. Chuige sin, ba cheart deimhniú arna eisiúint san Aontas a bheith in éineacht leis na táirgí.
- (153) Chun a áirithiú go bhféadfadh táirgí onnmhairithe tairbhe a bhaint as cóir speisialta ar a n-allmhairiú isteach i dtríú tír má urramaítear coinníollacha áirithe, de bhun comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas i gcomhréir le CFAE, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil leis na rialacha lena gceanglaítear ar údaráis inniúla Ballstát, arna iarraidh sin agus tar éis seiceálacha iomchuí, doiciméad a eisiúint lena ndeimhnítear go bhfuil na coinníollacha comhlíonta.
- (154) Chun cosc a chur ar an suaitheadh a d'fhéadfadh barra mídhleathacha a dhéanamh ar an margadh i gcomhair cnáibe le haghaidh snáithín, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán maidir le seiceáil a dhéanamh ar allmhairí cnáibe agus síl chnáibe lena áirithiú go dtabharfar ráthaíochtaí faoina gcion de theitrihidreacannaibionól atá sna táirgí sin. Ina theannta sin ba cheart leanúint de chóras rialaithe a chur i bhfeidhm i gcás allmhairí síl chnáibe a bhfuiltear ag súil iad a úsáid i gcomhair cuspóirí eile seachas iad a chur, ar córas rialaithe é ina bhforáiltear maidir le húdarú na n-allmhairí lena mbaineann.
- (155) Tá beartas cáilíochta á leanúint ar fud an Aontais maidir le táirgí in earnáil na leannlusanna. I gcás táirgí allmhairithe, ba cheart na forálacha lena n-áirithítear nach n-allmhairítear ach na táirgí a chomhlíonann na hiostréithe cáilíochta comhionanna a chur san áireamh sa Rialachán seo. Chun an t-ualach riaracháin a laghdú, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i leith na gcoinníollacha a shocrú nach bhfuil feidhm ag na hoibleagáidí maidir le fianú coibhéise agus lipéadú pacáistithe fúthu.
- (156) Tá an tAontas tar éis roinnt mhaith socrúithe fabhracha maidir le rochtain ar an margadh le tríú tíortha a thabhairt chun críche lena gceadaítear do na tíortha sin cána siúcra a onnmhairiú chuig an Aontas faoi choinníollacha fabhracha. Ba cheart na forálacha lena mbaineann a choimeád ar feadh tréimhse áirithe maidir le measúnú ar an ngá atá ag na scagairí le haghaidh siúcra lena scagadh, agus faoi choinníollacha áirithe, ceadúnais allmhairiúcháin a fhorchoimeád d'úsáideoirí speisialaithe de chainníochtaí suntasacha shiúcra cána amh allmhairithe, a mheastar gur scagairí lánaimseartha iad san Aontas. D'fhonn é a áirithiú go scagfar siúcra allmhairithe lena scagadh i gcomhréir leis na ceanglais sin, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i leith téarmaí a úsáid le haghaidh oibriú na socrúithe allmhairiúcháin; na coinníollacha agus na ceanglais incháilitheachta nach mór d'oibreoir a chomhlíonadh chun iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin a thaisceadh, lena n-áirítear urrús a thaisceadh, agus rialacha maidir le pionóis riaracháin a bheidh le gearradh.
- (157) Is féidir gach beart cosanta eile ag teorainneacha seachtracha an Aontais a ligean thar ceal de bharr an chórais dleachta custaim atá ann anois. D'fhéadfadh sé tarlú in imthosca eisceachtúla nár leormhaith an margadh inmheánach agus an mheicníocht dleachta. I gcásanna den sórt sin, ba cheart é a bheith ar chumas an Aontais gach beart atá riachtanach a chur i bhfeidhm gan mhoill i dtreo is nach mbeadh margadh an Aontais gan cosaint in aghaidh suaitheadh a d'fhéadfadh a leanúint astu. Ba cheart do na bearta sin gealltanais idirnáisiúnta an Aontais a chomhlíonadh.
- (158) Is iomchuí go mbeifí ábalta úsáid socrúithe próiseála amach agus isteach a chur ar fionraí i gcás ina dtarlaíonn suaitheadh i margadh an Aontais nó i gcás ina bhfuil baol ann go dtarlódh suaitheadh ar an margadh de dheasca na socrúithe sin.
- (159) Aisíocaíochtaí a thabhairt ar onnmhairithe do thríú tíortha, bunaithe ar an difríocht idir praghsanna laistigh den Aontas agus ar mhargadh an domhain, agus a thagann faoi réim na dtéorainneacha atá leagtha síos sna gealltanais a tugadh san EDT, ba cheart iad a choinneáil mar bheart a bhféadfadh leis táirgí áirithe a

chumhdach a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo nuair a thagann dálaí an mhargaidh inmheánaigh faoi réim na ndálaí sin a gcuirtear síos orthu i gcás beart eisceachtúil. Ba cheart onnmhairithe a dtugtar fóirdheontais dóibh a bheith faoi réir teorainneacha ó thaobh luacha agus cainníochta de, agus gan dochar do chur i bhfeidhm beart eisceachtúil, ba cheart gur nialas a bheadh san aisíocaíocht.

- (160) Ba cheart comhlíonadh na dteorainneacha luacha a áirithiú nuair atá na haisíocaíochtaí onnmhairiúcháin á socrú trí fhaireachán a dhéanamh ar íocaíochtaí faoi na rialacha a bhaineann leis an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta. Is féidir an faireachán a éascú trí na haisíocaíochtaí onnmhairiúcháin a shocrú go héigeantach roimh ré, agus an deis a cheadú fós, i gcás aisíocaíochtaí difreáilte, an ceann scríbe sonraithe a athrú laistigh de limistéar geografach áirithe a bhfuil feidhm ag ráta aisíocaíochta onnmhairiúcháin aonair maidir leis. Ba cheart an aisíocaíocht onnmhairiúcháin is infheidhme maidir leis an gceann scríbe iarbhír a íoc nuair a athraítear ceann scríbe, agus an uasteorainn don mhéid is infheidhme maidir leis an gceann scríbe a shocrú roimh ré.
- (161) Ba cheart córas faireacháin atá iontaofa agus éifeachtach a úsáid lena áirithiú go gcomhlíontar na teorainneacha cainníochta. Chuige sin ba cheart ceadúnas onnmhairiúcháin a bheith tugtha sula ndéanfaítear aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin. Ba cheart aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin a dheonú suas go dtí na teorainneacha atá ar fáil ag brath ar chás faoi leith gach táirge atá i gceist. Níor cheart eisceachtaí a dhéanamh maidir leis an riail sin ach amháin i gcás táirgí próiseáilte nach bhfuil liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Conarthaí, agus nach bhfuil feidhm ag teorainneacha méide maidir leo. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le maolú ar chomhlíonadh docht na rialacha bainistithe i gcás nach dócha go sáróidh na honnmhairithe sin a bhfuil aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin ag dul leo an chainníocht atá leagtha síos.
- (162) I gcás onnmhairiú bó-ainmhithe beo, níor cheart aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin a dheonú agus a íoc ach amháin ar choinníoll go n-urramófar forálacha reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe agus go háirithe na forálacha sin a bhaineann le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar.
- (163) Chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an córas aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin mar is ceart, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir leis an gceanglas urrús a thaisceadh lena ráthófar go gcuirfear oibleagáidí na n-oibreoirí i gcrích.
- (164) Chun an t-ualach riaracháin ar oibreoirí agus ar údarais a laghdú, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil le gníomhartha chun tairisí a shocrú nach mbeidh gá leis an oibleagáid ceadúnas onnmhairiúcháin a sholáthar faoina mbun, chun cinn scríbe nó oibríochtaí a ainmniú inar féidir údar maith a thabhairt maidir le díolúine ón oibleagáid ceadúnas onnmhairiúcháin a

thíolacadh agus chun deonú ex-post ceadúnas onnmhairiúcháin a cheadú i staideanna ina bhfuil údar maith leis.

- (165) Chun aghaidh a thabhairt ar chásanna praiticiúla ina bhfuil údar maith le incháilitheacht iomlán nó pháirteach chun aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin a fháil, agus chun cuidiú le hoibreoirí dul tríd an tréimhse idir an t-iarraitas ar aisíocaíocht onnmhairiúcháin agus íocaíocht dheireanach na haisíocaíochta onnmhairiúcháin, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i leith rialacha maidir leis an méid a leanas: dáta eile don aisíocaíocht; réamhíocaíocht aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin lena n-áirítear na coinníollacha maidir le hurrús a thaisceadh agus a scaoileadh; cruthúnas breise i gcás amhras faoi fhíorcheann scríbe na dtáirgí agus an deis d'ath-allmhairiú isteach i gcríoch chustaim an Aontais; cinn scríbe a ndéileáiltear leo mar onnmhairí ón Aontas, agus áireamh ceann scríbe laistigh de chríoch chustaim an Aontais atá cáilithe chun aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin a fháil.
- (166) Chun rochtain comhionann a áirithiú ar aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin d'onnmhairioirí na dtáirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Conarthaí agus d'onnmhairioirí táirgí a phróiseáiltear as na táirgí sin, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil le rialacha áirithe le haghaidh táirgí talmhaíochta a chur i bhfeidhm maidir le táirgí arna n-onnmhairiú i bhfoirm earraí próiseáilte.
- (167) D'fhonn a áirithiú go n-onnmhairiofar táirgí a thairbheoidh d'aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin ó chríoch chustaim an Aontais, agus nach dtiocfaidh siad ar ais go dtí an chríoch sin agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú d'oibreoirí agus iad ag fáil cruthúnais agus á thíolacadh gur shroich táirgí aisíocaíochta tír a gcinn scríbe le haghaidh aisíocaíochtaí difreáilte, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil le rialacha maidir leis an méid seo a leanas: an teorainn ama nach mór an imeacht ó chríoch chustaim an Aontais a thabhairt chun críche fúithi, lena n-áirítear an t-am i gcomhair athiontrála sealadaí; an phróiseáil a fhéadfar a dhéanamh i rith na tréimhse sin ar tháirgí atá ag tairbhiú d'aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin; an cruthúnas gur sroicheadh ceann scríbe chun aisíocaíochtaí difreáilte a fháil; na tairseacha agus na coinníollacha aisíocaíochta faoina bhféadfar díolúine ón gcruthúnas sin a thabhairt d'onnmhairioirí; agus coinníollacha maidir le formheas an chruthúnais, arna chur ar fáil ag tríú páirtithe neamhspleácha, gur sroicheadh ceann scríbe i gcás ina bhfuil feidhm ag inaisíocaíochtaí difreáilte.
- (168) Chun onnmhairioirí a spreagadh chun dálaí leasa ainmhithe a urramú agus chun na húdarais inniúla a chumasú chun caiteachas ceart aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin a fhíorú i gcás ina bhfuil sé sin ag brath ar cheanglais maidir le leas ainmhithe a urramú, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil le ceanglais leasa ainmhithe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais, lena n-áirítear tríú páirtithe neamhspleácha a úsáid.

- (169) Chun aird a thabhairt ar shaintréithe sonracha na n-earnálacha éagsúla, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh maidir le ceanglais shonracha agus coinníollacha sonracha maidir le hoibreoír agus maidir leis na táirgí a bheidh cáilithe d'aisíocaíocht onnmhairiúcháin, agus maidir le bunú comhéifeachtaí chun críocha aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin a ríomh lena dtabharfar aird ar an bpróiseas aosaithe i leith deochanna biotáille ar leith a thagann ó ghránaigh.
- (170) Níl íospghragsanna onnmhairiúcháin do bhleibíní bláthanna úsáideach a thuilleadh agus ba cheart iad a dhíothú.
- (171) I gcomhréir le hAirteagal 42 CFAE níl feidhm ag na forálacha de chuid an Chonartha a bhaineann le hiomaíocht maidir le táirgeadh agus trádáil táirgí talmhaíochta ach amháin sa mhéid a chinnfidh reachtaíocht an Aontais faoi chuimsiú Airteagal 43(2) CFAE agus i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos iontu.
- (172) I bhfianaise shaintréithe sonracha na hearnála talmhaíochta agus a mhéid a bhraitheann sé ar fheidhmiú ceart slabhra sholáthar iomlán an bhia, lena n-áirítear na rialacha iomaíochta a chur i bhfeidhm go héifeachtach maidir leis na hearnálacha uile lena mbaineann sa slabhra bia iomlán, arbh fhéidir a bheith an-chomhchruinnithe, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chur i bhfeidhm na rialacha iomaíochta dá dtagraítear in Airteagal 42 CFAE h. Chun na críche sin, tá gá le dlúthchomhar idir an Coimisiún agus údaráis iomaíochta na mBallstát. Thairis sin, is ionstraim oiriúnach iad na treoirlínte, arna nglacadh ag an gCoimisiún, i gcás inarb iomchuí, chun treoír a thabhairt do ghnóthais agus do pháirtithe leasmhara eile lena mbaineann.
- (173) Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh go mbeidh feidhm ag na rialacha maidir le hiomaíocht a bhaineann leis na comhaontuithe, na cinntí agus na cleachtais dá dtagraítear in Airteagal 101 CAE, agus le mí-úsáid ceannasachta maidir le táirgeadh agus trádáil táirgí talmhaíochta, fad is nach gcuireann cur i bhfeidhm na rialacha sin baint amach chuspóirí an CBT i gcontúirt.
- (174) Ba cheart cur chuige speisialta a cheadú i gcás eagraíochtaí feirmeoirí nó eagraíochtaí táirgeoirí nó a gcomhlachas arb é an aidhm atá acu comhtháirgeadh nó cómhargú táirgí talmhaíochta, nó leas a bhaint as saoráidí comhchoiteanna, ach amháin má eisíonn comhghníomhaíochtaí den sórt sin iomaíochas nó má chuireann siad baint amach chuspóirí Airteagal 39 CFAE i gcontúirt.
- (175) Gan dochar don rialú maidir le táirgí áirithe a sholáthar, amhail cáis agus liamháis a tharbhaíonn de shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásca geografach faoi chosaint, nó fíon, atá á rialú ag sraith áirithe rialacha, ba cheart cur chuige speisialta a leanúint maidir le gníomhaíochtaí áirithe de chuid eagraíochtaí idirchraoibhe ar choinníoll nach mbeidh idir-roinnt margáí mar thoradh orthu, nach gcuirfidh siad isteach ar fheidhmiú fóna CEM, nach ndéanfaidh siad iomaíocht a shaobhadh ná a dhíothú, nach mbeidh socrú praghsanna nó cuótaí i gceist leo, agus nach gcruthóidh siad idirdhealú.
- (176) Chuirfí feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh i gcontúirt dá gcuirfí cabhair náisiúnta ar fáil. Dá bhrí sin ba cheart, mar riail ghinearálta, forálacha an Chonartha maidir le Státabhair a bheith infheidhme maidir le táirgí talmhaíochta. Mar sin féin, ba cheart eisceachtaí a cheadú i gcásanna áirithe. I gcás ina bhfuil feidhm ag na heisceachtaí sin, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann liosta a tharraingt suas den chabhair náisiúnta atá ann, atá nua nó atá molta, agus barúlacha iomchuí a thabhairt do na Ballstáit agus bearta oiriúnacha a mholadh.
- (177) Níor cheart do na forálacha maidir leis an bpréimh grafa ná bearta áirithe faoi chlár thacaíochta in earnáil an fhíona bac a chur iad féin ar íocaíochtaí náisiúnta a dhéantar chun na críocha céanna.
- (178) De barr na staide eacnamaíche sonraí ina bhfuil táirgeadh agus margú réinfhianna agus táirgí réinfhianna, ba cheart don Fhionlainn agus don tSualainn leanúint d'íocaíochtaí náisiúnta a dheonú ina leith sin.
- (179) Baineann dálaí geografacha agus aeráide faoi leith le saothrú biatais siúcra san Fhionlainn a mbeidh tionchar níos díobhálaí acu ar an earnáil thar thionchar ginearálta an leasaithe siúcra. Ba cheart, dá bhrí sin, an Ballstát sin a údarú, ar bhonn buan, le hiocaíochtaí náisiúnta a dhéanamh lena shaothraithe biatais siúcra.
- (180) Ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann íocaíochtaí náisiúnta a dhéanamh chun na bearta beachadóireachta a chómhaoiniú, ar bearta iad a leagtar síos sa Rialachán seo, agus chun beachlanna a chosaint ar beachlanna iad atá faoi mhíbhuntáiste de dheasca dálaí struchtúracha nó nádúrtha nó atá faoi chlár forbartha eacnamaíochta seachas na cinn sin atá leithdháilte le haghaidh táirgthe nó trádála.
- (181) Na Ballstáit atá rannpháirteach sna scéimeanna chun rochtain ar bhia do leanaí a fheabhsú, ba cheart go mbeidís in ann, cabhair náisiúnta de bhreis ar an gcabhair Chomhphobail a dheonú chun táirgí sláintiúla a sholáthar agus ar mhaithe le costais ghaolmhara áirithe.

- (182) Chun aghaidh a thabhairt ar chásanna géarchéime a bhfuil údar maith leo, fiú tar éis dheireadh na hidirthréimhse, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann íocaíochtaí náisiúnta a dhéanamh maidir le driogadh éigeandála laistigh de teorainn bhuiséadach iomlán 15 % de luach bhuiséad bliantúil ábhartha an Bhallstáit le haghaidh a chlár náisiúnta thacaíochta. Ba cheart fógra a thabhairt don Choimisiún faoi íocaíochtaí náisiúnta den sórt sin agus iad a fhormheas sula ndéanfaítear iad.
- (183) Ba cheart a cheadú do Bhallstáit leanúint d'íocaíochtaí náisiúnta a dhéanamh i gcomhair cnónna dá bhforáiltear faoi láthair faoi Airteagal 120 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 chun na héifeachtaí a mhaolú a thagann ó dhíchúpláil na scéimeanna cabhrach de chuid an Aontais a bhí ann i gcomhair cnónna. Ar mhaithe le soiléireacht, ós rud é go bhfuil an Rialachán le haisghairm, ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis na híocaíochtaí náisiúnta sin sa Rialachán seo.
- (184) Ba cheart a fhoráil maidir le bearta idirghabhála speisialta chun freagairt go héifeachtúil agus go héifeachtach ar bhagairtí suaite sa mhargadh. Ba cheart raon feidhme na mbearta sin a shainiú.
- (185) Chun freagairt ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach ar bhagairtí suaite sa mhargadh, ar bhagairtí iad arb é arduithe nó laghduithe suntasacha i bpraghsanna ar an margadh inmheánach nó seachtrach is cúis leo nó imeachtaí nó imthosca eile lena ndéanfar na margaí a shuaitheadh go suntasach nó lena mbaineann bagairt go suaithrí na margaí, ar dócha go leanfaidh an staid sin nó a cuid éifeachtaí ar an margadh ar aghaidh nó go rachaidh siad chun donais, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil leis na bearta is gá chun aghaidh a thabhairt ar staid an mhargaidh, agus aon oibleagáid atá mar thoradh ar na comhaontuithe idirnáisiúnta á n-urramú ar choinníoll go bhfuil an chuma air nach bhfuil aon bhearta eile atá ar fáil faoin Rialachán seo leordhóthanach, lena n-áirítear bearta chun an raon feidhme, ré nó gnéithe eile de bhearta eile dá bhforáiltear faoin Rialachán seo a shíneadh nó a mhodhnú, nó foráil d'aisíocaíochtaí onnmhairithe nó dleachtanna allmhairiúcháin a chur ar fionraí ina n-iomláine nó i bpáirt, lena n-áirítear i gcás cainníochtaí nó tréimhsí áirithe, de réir mar is gá.
- (186) D'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ann sa mhargadh i mBallstát amháin nó níos mó de thoradh laicisí a bheith curtha ar shaorghluaiseacht de bharr bearta chun cosc a chur ar leathadh galar ainmhithe a chosc. Is léir ón taithí atá faighte gur féidir suaitheadh mór ar an margadh, amhail laghdú suntasach ar thomhaltas nó ar phraghsanna, a chur i leith chailleadh a muintíne ag tomhaltóirí de dheasca rioscaí a bhaineann leis an tsláinte phoiblí nó le sláinte ainmhithe nó plandaí. I bhfianaise na taithí a fuarthas, ba cheart bearta a bhaineann le tomhaltóirí ag cailleadh muintíne a shíneadh chuig táirgí plandaí.
- (187) Ba cheart baint dhíreach a bheith ag na bearta eisceachtúla um thacaíocht mhargaidh do mhairteoil agus laofheoil, bainne agus táirgí bainne, muiceoil, caoireoil agus feoil ghabhair, uibheacha agus feoil éanlaithe clóis le bearta tréidliachta nó sláinte a ghlacfar chun leathadh galar a chomhrac. Ba cheart na bearta sin a dhéanamh arna iarraidh sin do Bhallstáit chun míshocracht mhór na margaí a sheachaint.
- (188) D'fhonn bheith in ann freagairt d'imthosca eisceachtúla, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i leith liosta na dtáirgí a leathnú, mar a leagtar amach sa Rialachán seo é, ar féidir bearta eisceachtúla tacaíochta a ghlacadh ina leith.
- (189) Ba cheart an Coimisiún a údarú chun na bearta riachtanacha a ghlacadh chun fadhbanna sonracha a réiteach i gcás éigeandála.
- (190) D'fhéadfadh freagairt éifeachtúil agus éifeachtach do bhagairtí suaite margaidh bheith thar a bheith tábhachtach d'earnáil an bhainne. Ar an gcuma chéanna, d'fhéadfadh fadhbanna ar leith teacht chun cinn i gcás éigeandála. Tá sé riachtanach dá bhrí sin é a aibhsíú go bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar earnáil an bhainne, má ghlacann an Coimisiún na bearta thuasluaite i gcás suaiththeadh ar an margadh, lena n-áirítear míchothromaíocht ar an margadh, nó iad sin is gá chun fadhbanna ar leith a réiteach i gcás éigeandála.
- (191) Chun freagairt do thréimhsí míchothromaíochtaí tromchúiseacha ar an margadh, féadfaidh catagóirí áirithe de chomhghníomhaíochtaí ó oibreoirí príobháideacha bheith iomchúí mar bhearta eisceachtúla d'fhonn na hearnálacha lena mbaineann a chobhsú, faoi réir cosaintí, teorainneacha agus coinníollacha beachta. I gcás ina d'fhéadfadh gníomhaíochtaí den sórt sin bheith faoi réir raon feidhme Airteagal 101(1) CFAE, ba cheart a cheadú don Choimisiún maolú teoranta a chur ar fáil. Ba cheart go mbeadh na gníomhaíochtaí sin ag teacht le gníomhaíocht an Aontais i gcreat na hidirghabhála poiblí agus na stórála príobháidí nó bearta eisceachtúla a bheartaítear leis an Rialachán seo, agus nár cheart dóibh chur isteach ar fheidhmiú an mhargaidh aonair.
- (192) Ba cheart go mbeifí in ann a cheangal ar ghnóthais, ar Bhallstáit /nó ar thríú tíortha teachtaireachtaí a chur isteach chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, an margadh i dtáirgí talmhaíochta a anailisiú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air, trédhearcacht sa mhargadh a áirithiú, agus dea-fheidhmiú bhearta an CBT a áirithiú, dea-fheidhmiú bhearta seiceála, rialaitheacha, faireacháin, meastóireachta agus iniúchta an CBT a áirithiú, agus na ceanglais a leagtar síos sna comhaontuithe idirnáisiúnta a chomhlíonadh, lena n-áirítear ceanglais faoi na comhaontuithe sin maidir le fógra a thabhairt. Chun cur chuige comhchuibhithe, cuíchoirithe agus simplithe a áirithiú, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún bearta riachtanacha a ghlacadh maidir le teachtaireachtaí. Agus an méid sin á dhéanamh aige, ba cheart dó na riachtanais sonraí agus na sineirgí idir foinsí ionchasacha sonraí a chur san áireamh.

- (193) D'fhonn sláine na gcóras faisnéise a áirithiú agus barántúlacht agus dlisteanacht na ndoiciméad agus na sonraí tarchurtha lena mbaineann a áirithiú, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil leis an gcineál agus an sórt faisnéise atá le tabhairt san fhógra; na catagóirí sonraí a bheidh le próiseáil agus na huastreimhsí coinneála; an chúis próiseála, go háirithe i gcás sonraí den sórt sin a fhoilsiú mar aon leis na sonraí sin a aistriú go tríú tíortha; na cearta rochtana ar an bhfaisnéis nó ar córais faisnéise a chuirtear ar fáil; agus na coinníollacha maidir le foilsiú na faisnéise.
- (194) Tá feidhm agdlí an Aontais maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus saorghluaiseacht na sonraí sin, go háirithe Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ agus Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾.
- (195) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus thug sé a thuairim uaidh an 14 Nollaig 2011 ⁽³⁾.
- (196) Ba cheart cistí a aistriú ón gCúltais le haghaidh géarchéimeanna san earnáil talmhaíochta faoi na coinníollacha agus an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) Uimhir 1306/2013 agus mír 22 den 17 Nollaig 2013 Chomhaontú Idirinstitiúideach de idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistiú fóna airgeadais ⁽⁴⁾, agus ba cheart a shoiléiriú gurb é an Rialachán seo an bunghníomh is infheidhme.
- (197) Chun aistriú rianúil a áirithiú idir na socrúithe dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 agus na socrúithe atá leagtha síos sa Rialachán seo, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha áirithe a ghlacadh i ndáil leis na bearta riachtanacha a bhunú, go háirithe na bearta sin is gá chun cearta faighte agus ionchais dhlísteana a gnóthas a chosaint.
- (198) Agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh faoin Rialachán seo, ba cheart úsáid nós imeachta práinne a fhorchoimeád do chásanna eisceachtúla nuair a éileoidh mórchúiseanna práinne é chun bagairtí go suaithfí an margadh a fhreagairt go héifeachtúil agus go héifeachtach nó i gcás ina bhfuil suaithheadh ar an margadh. Ní foláir údar maith a bheith le rogha nós imeachta práinne agus ba cheart na cásanna inar ceart an nós imeachta práinne a úsáid a shonrú.
- (199) Chun coinníollacha comhionanna a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart
- cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾.
- (200) Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun na gníomhartha a ghlacadh lena gcuirtear an Rialachán seo chun feidhme ó tharla go mbaineann na gníomhartha sin leis an CBT dá dtagraítear i bpointe(b)(ii) d'Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Ba cheart an nós imeachta comhairliúcháin a úsáid, áfach, chun na gníomhartha lena gcuirtear an Rialachán seo chun feidhme a ghlacadh, ar gníomhartha iad a bhaineann le hábhair iomaíochta, ó tharla go n-úsáidtear an nós imeachta comhairliúcháin go ginearálta chun gníomhartha cur chun feidhme i réimse an dlí iomaíochta a ghlacadh.
- (201) Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme infheidhme a ghlacadh gan mhoill, a bhaineann le bearta cosanta de chuid an Aontais a ghlacadh, a leasú nó a chúlghairm, le húsáid socrúithe próiseála nó próiseála isteach nó amach a chur ar fionraí, más gá sin chun freagairt láithreach ar staid an mhargaidh, agus le fadhbanna sonracha a réiteach i gcás éigeandála, más gá gníomhaíocht láithreach den sórt sin chun déileáil, más gá sin ar mhórchúiseanna práinne, i gcásanna ina bhfuil údar maith iomchuí leo.
- (202) Ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, gan Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a chur i bhfeidhm, i gcás beart ar leith faoin Rialachán seo a bhfuil gníomh tapa riachtanach ina leith nó nach bhfuil i gceist leo ach forálacha ginearálta a chur i bhfeidhm maidir le staideanna sonracha gan rogha a bheith i gceist leo.
- (203) Ba cheart tuilleadh cumhachta a thabhairt don Choimisiún cúraimí áirithe riaracháin nó bainistíochta a chur i gcrích nach bhfuil glacadh gníomhartha tarmligthe ná gníomhartha cur chun feidhme i gceist leo.
- (204) Ba cheart go bhforálfá, leis an Rialachán seo, do rialacha sonracha áirithe maidir leis an gCróit i gcomhréir le hIonstraim Aontachais na Cróite ⁽⁶⁾.
- (205) De bhun Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 rachaidh roinnt beart de réir earnála in éag laistigh de thréimhse réasúnta tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Tar éis chúlghairm Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007, ba cheart go mbeadh feidhm ag na forálacha ábhartha go dtí deireadh na scéimeanna lena mbaineann.
- (206) Tá Rialachán (CEE) Uimhir 992/72 ⁽⁷⁾ ón gComhairle maidir le cabhair do sheiriceáin don bhliain tógála

⁽¹⁾ Treoir 95/46/CE an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin a rialaíonn cosaint daoine aonair maidir le próiseáil sonraí pearsanta (IO L 281, 23.11.1995, lch. 31).

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le cosaint daoine aonair i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin, (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

⁽³⁾ IO C 35, 9.2.2012, lch. 1

⁽⁴⁾ IO C 373, 20.12.2013, lch. 1

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

⁽⁶⁾ IO L 112, 24.4.2012, lch. 21.

⁽⁷⁾ Rialachán (CEE) Uimh. 922/72 ón gComhairle lena leagtar síos rialacha ginearálta maidir le cabhair a dheonú i leith seiriceán don bhliain tógála 1972/73 (IO L 106, 5.5.1972, lch. 1).

1972/1973 imithe i léig anois; cuirtear an Rialachán seo in ionad Rialachán (CEE) Uimhir 234/79 ⁽¹⁾ maidir leis na nósanna imeachta le haghaidh ainmníocht na Comhtharfaí Custaim a choigeartú; Beart sealadach is ea Rialachán (CE) Uimh. 1601/96 ón gComhairle ⁽²⁾ maidir le cabhair do tháirgeoirí leannlusanna le haghaidh bhuint 1995, agus de réir chineál an bhirt féin, tá sé imithe i léig anois. Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1037/2001 ón gComhairle ⁽³⁾ lena n-údaraitear tairiscint agus seachadadh fionta áirithe, tá sé imithe i léig de bhrí gur cuireadh forálacha an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le trádáil i bhfíon arna ghlacadh le Cinneadh 2006/232/CE ⁽⁴⁾ ón gComhairle ina ionad. Ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil ba cheart na Rialacháin sin a aisghairm.

(207) Tá rialacha áirithe tagtha i bhfeidhm le déanaí in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne, go háirithe maidir le caidreamh conarthach agus caibidlíocht, soláthar cáise a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tasc geografach faoi chosaint aici a rialú, dearbhuithe ó na chéad cheannaitheoirí, ó eagraíochtaí táirgeoirí, ó chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe, agus tá údar maith leo fós i ngeall ar imthosca eacnamaíochta reatha an mhargaidh dhéiríochta agus struchtúr an tslabhra sholáthair. Ba cheart dá bhrí sin iad a chur i bhfeidhm san earnáil sin ar feadh tréimhse fada go leor (roimh agus tar éis na cuótaí bainne a dhíothú) chun go mbeidh lán-éifeacht acu. Ba cheart, áfach, go mbeadh na rialacha sin de chineál sealadach, agus faoi réir athbhreithnithe. Ba cheart don Choimisiún tuarascálacha a ghlacadh maidir le forbairt an mhargaidh bhainne, lena gcumhdaítear go háirithe dreasachtaí a d'fhéadfaí a thabhairt d'fheirmeoirí chun iad a spreagadh chun comhaontuithe comhtháirgthe a dhéanamh, ar tuarascálacha iad sin atá le tíolacadh faoin 30 Meitheamh 2014 agus faoin 31 Nollaig 2018 faoi seach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CUID I

FORÁLACHA TOSAIGH

Airteagal 1

Raon Feidhme

1. Bunaítear leis an Rialachán seo comheagrú na margaí i gcás táirgí talmhaíochta, lena gcuimseofar na táirgí ar fad a

⁽¹⁾ Rialachán (CEE) Uimh. 234/79 ón gComhairle maidir leis na nósanna imeachta lena gcoigeartaítear ainmníocht na Comhtharfaí Custaim do tháirgí talmhaíochta (IO L 34, 9.2.1979, lch. 2).
⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1601/96 ón gComhairle an 30 Iúil 1996 lena leagtar síos, maidir le leannlusanna, méid na cabhrach do tháirgeoirí le haghaidh bhuint 1995 (IO L 206, 16.8.1996, lch. 46).
⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1037/2001 ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena n-údaraitear fionta áirithe arna n-allmhairiú a thairiscint agus a sheachadadh lena gcaitheamh go díreach ag daoine, ar fionta iad a bhféadfadh cleachtas fhíoneolaíochta nach bhforáiltear dóibh i Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999 (IO L 145, 31.5.2001, lch. 12) a bheith déanta orthu.
⁽⁴⁾ Cinneadh 2006/232/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le trádáil i bhfíon a thabhairt i gcrích (IO L 87, 24.3.2006, lch. 1).

liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Conarthaí cé is moite de na táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe. mar a shainmhínítear iad i gníomhartha reachtacha Aontais maidir le comheagraíocht an mhargaidh i dtáirgí iascaigh agus uisce-haothraithe.

2. Déanfar táirgí talmhaíochta mar atá sainithe i mír 1 a roinnt idir na hearnálacha a leanas mar atá liostaithe in Iarscríbhinn I:

- (a) gránaigh, Cuid I;
- (b) rís, Cuid II;
- (c) siúcra, Cuid III;
- (d) farae triomaithe, Cuid IV;
- (e) síolta, Cuid V;
- (f) leannlusanna, Cuid VI;
- (g) ola olóige agus ológa boird, Cuid VII;
- (h) líon agus cnáib, Cuid VIII;
- (i) torthaí agus glasraí, Cuid IX
- (j) táirgí torthaí agus glasraí próiseáilte, Cuid X;
- (k) bananaí, Cuid XI;
- (l) fíon, Cuid XII;
- (m) crainn bheo agus plandaí eile, bleibeanna, fréamhacha agus rudaí mar iad, bláthanna gearrtha agus duilliúr ornáideach, Cuid XIII;
- (n) tobac, Cuid XIV;
- (o) mairteoil agus laofheoil, Cuid XV;
- (p) bainne agus táirgí bainne, Cuid XVI;
- (q) muiceoil, Cuid XVII;
- (r) caoireoil agus feoil ghabhair, Cuid XVIII;
- (s) uibheacha, Cuid XIX;
- (t) feoil éanlaithe clóis, Cuid XX;
- (u) alcól eitile de thionscnamh talmhaíochta, Cuid XXI;
- (v) táirgí beachadóireachta, Cuid XXII;
- (w) seiriceáin, Cuid XXIII;
- (x) táirgí eile, Cuid XXIV.

*Airteagal 2***Forálacha ginearálta an chomhbheartais talmhaíochta (CBT)**

Beidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus ag na forálacha arna nglacadh dá bhun maidir leis na bearta a leagtar amach sa Rialachán seo.

*Airteagal 3***Sainmhínithe**

1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe maidir le hearnálacha áirithe mar atá siad leagtha amach in Iarscríbhinn II.

2. Ní bheidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach i Roinn B de Chuid II go dtí deireadh na bliana margaíochta 2016/2017 i gcás an tsúicra.

3. Chun críocha an Rialacháin seo, ach amháin mar a bhforáiltear a mhálairt sa Rialachán seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe atá leagtha amach i Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, i Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ agus i Rialachán (AE) Uimh. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾.

4. D'fhonn saintréithe sonracha earnáil na ríse a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leasaítear na sainmhínithe a bhaineann le hearnáil na ríse atá leagtha amach i gCuid I d'Iarscríbhinn II a mhéid is gá chun na sainmhínithe a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise forbairtí sa mhargadh.

5. Chun críocha an Rialacháin seo:

- (a) ciallaíonn "réigiúin laghforbartha" na réigiúin sin atá sainithe amhlaidh i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 90(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽³⁾.
- (b) ciallaíonn 'teagmhas díobhálach aeráide atá inchurtha le tubaistí nádúrtha' aimsir amhail sioc, cloichshneachta, leac oighir, báisteach nó triomach a scriosann níos mó ná 30 % de mheántáirgeacht bhliantúil feirmeora ar leith sna trí bliana roimhe sin nó meán trí bliana bunaithe ar

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha le haghaidh íocaíochtaí díreacha d'fheirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 637/2008 agus 73/2009 ón gComhairle (Féach leathanach 608 den Iris Oifigiúil seo).

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt na tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1698/2005 (Féach leathanach 487 den Iris Oifigiúil seo).

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa, maidir leis an gCiste Comhtháthaithe, maidir leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus lascaigh atá cumhdaithe faoin gComhchreat Straitéiseach agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa, maidir leis an gCiste Comhtháthaithe agus maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus lascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (Féach leathanach 85 den Iris Oifigiúil seo).

thréimhse cúig bliana roimhe sin, gan an iontráil is airde ná an ceann is ísle a áireamh.

*Airteagal 4***Coigeartuithe ar ainmníocht na Comhtharaife Custaim a úsáidtear i gcás táirgí talmhaíochta**

I gcás inar gá chun leasuithe ar an ainmníocht chomhcheangailte a chur san áireamh, beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227, lena ndéanfar coigeartú ar thuairisc táirgí agus ar thuairisc na dtagairtí sa Rialachán seo do cheannteidil nó d'fho-cheannteidil na hainmníochta comhcheangailte.

*Airteagal 5***Rátaí comhshó i gcomhair ríse**

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh:

- (a) lena socraífar na rátaí comhshó i gcomhair ríse ag céimeanna éagsúla próiseála, chomh maith leis na costais phróiseála agus luach na bhfotháirgí;
- (b) lena nglactar na bearta riachtanacha uile maidir le rátaí comhshó a chur i bhfeidhm i gcomhair ríse.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

*Airteagal 6***Blianta margaíochta**

Bunófar na blianta margaíochta seo a leanas:

- (a) an 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig de bhliain áirithe i gcomhair earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus earnáil na mbananaí;
- (b) an 1 Aibreán go dtí 31 Márta na bliana dár gcionn i gcomhair d'earnáil an fharae thriomaithe agus d'earnáil na seiriceán;
- (c) an 1 Iúil go dtí 30 Meitheamh na bliana dár gcionn i gcomhair:
 - (i) earnáil na ngránach;
 - (ii) earnáil na síolta;
 - (iii) earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird;
 - (iv) earnáil an lín agus na cnáibe;
 - (v) earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne;
- (d) an 1 Lúnasa go dtí 31 Iúil na bliana dár gcionn i gcomhair earnáil an fhíona;
- (e) an 1 Meán Fómhair go dtí 31 Lúnasa na bliana dár gcionn i gcomhair earnáil na ríse;
- (f) an 1 Deireadh Fómhair go dtí 30 Meán Fómhair na bliana dár gcionn i gcomhair earnáil an tsúicra.

*Airteagal 7***Tairseacha tagartha**

1. Tá na tairseacha tagartha seo a leanas socraithe:
- (a) maidir le hearnáil na ngránach, EUR 101,31 in aghaidh an tonna, i ndáil leis an gcéim mhórdhíola i gcás earraí arna seachadadh do thrádstóras, sula ndéanfar iad a dhífluchtú;
- (b) maidir le rís gan scilligeadh, EUR 150 in aghaidh an tonna i gcás na cáilíochta caighdeánaí atá sainithe i bpointe A d'Iarscríbhinn III, i ndáil leis an gcéim mhórdhíola i gcás earraí arna seachadadh do thrádstóras, sula ndéanfar iad a dhífluchtú;
- (c) maidir le siúcra de cháilíocht chaighdeánach atá sainithe i bpointe B d'Iarscríbhinn IV, i ndáil le siúcra nach bhfuil pacáilte, ón monarcha:
- (i) i gcás siúcra bháin: EUR 404,4 in aghaidh an tona;
- (ii) i gcás siúcra amh: EUR 335,2 in aghaidh an tona;
- (d) maidir le hearnáil na mairteola agus na laofheola, EUR 2 224 in aghaidh an tona i gcomhair conablach bó-ainmhithe fireanna de ghrád aicme crutha/clúdach saille R3 mar a leagtar síos i scála an Aontais um aicmiú conablach bó-ainmhithe atá ocht mí d'aois nó níos sine dá dtagraítear i bpointe A d'Iarscríbhinn IV;
- (e) maidir le hearnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne:
- (i) EUR 246,39 in aghaidh 100 cileagram i gcomhair ime;
- (ii) EUR 169,80 in aghaidh 100 cileagram i gcomhair púdair bhainne bhearrtha;
- (f) maidir le muiceoil, EUR 1 509,39 in aghaidh an tona i gcomhair conablach muc de cháilíocht chaighdeánach arna sainiú i dtéarmaí meáchain agus cion feola trua mar atá leagtha síos i scála an Aontais um aicmiú conablach muc dá dtagraítear i bpointe B d'Iarscríbhinn IV mar seo a leanas:
- (i) conablaigh a bhfuil idir 60 agus níos lú ná 120 cileagram iontu: grád E;
- (ii) conablaigh a bhfuil idir 120 agus 180 cileagram iontu: grádR;
- (g) maidir le hearnáil na hola olóige:
- (i) EUR 1 779/ an tona i gcomhair ola olóige úrion;
- (ii) EUR 1 710 /an tona i gcomhair ola olóige íon;
- (iii) EUR 1 524 i gcomhair ola olóige lampante a bhfuil dhá chéim saoraigéadachta inti arna laghdú faoi EUR 36,70 in aghaidh an tona i gcás gach céim aigéadachta bhreise eile.

2. Coimeádfaidh an Coimisiún na tairseacha tagartha dá bhforáiltear i mír 1 faoi athbhreithniú, agus cuirfidh sé na critéir oibiachtúla san áireamh, go háirithe forbairtí i dtáirgeadh, i gcostais táirgeachta (go háirithe ionchuir) agus i dtreochtaí an mhargaidh. Más gá, déanfar na tairseacha tagartha sin a nuashonrú i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachta i bhfianaise na bhforbairtí i dtáirgeadh agus sna margáí.

CUID II

AN MARGADH INMHEÁNACH

TEIDEAL I

IDIRGHABHÁIL MHARGAIDH

CAIBIDIL I

Idirghabháil phoiblí agus cabhair le haghaidh stórála príobháidí

Roinn 1

Forálacha ginearálta maidir le hidirghabháil phoiblí agus cabhair le haghaidh stórála príobháidí*Airteagal 8***Raon Feidhme**

Leagtar síos sa Chaibidil seo rialacha maidir le hidirghabháil mhargaidh i dtaobh an méid seo a leanas:

- (a) idirghabháil phoiblí, i gcás ina gceannaíonn údaráis inniúla na mBallstát táirgí isteach agus stórálaíonn siad iad go dtí go ndiúsraítear iad, agus
- (b) deonú cabhrach le haghaidh stórála táirgí ag oibreoirí príobháideacha.

*Airteagal 9***Áit tionscnaimh táirgí incháilithe**

Táirgí atá incháilithe i gcomhair a gceannaithe isteach faoi idirghabháil phoiblí nó i gcomhair deonú cabhrach le haghaidh stórála príobháidí, beidh siad de thionscnamh an Aontais. Ina theannta sin, má thagann siad ó bharr, beidh na barra sin arna mbuaineadh agus má thagann siad ó bhainne, beidh an bainne sin arna tháirgeadh san Aontas.

*Airteagal 10***Scála an Aontais um aicmiú conablach muc**

Beidh feidhm ag scálaí an Aontais um aicmiú conablach i gcomhréir le pointe A agus pointe B faoi seach d'Iarscríbhinn IV in earnálacha na mairteola agus na laofheola maidir le conablaigh bó-ainmhithe atá ocht mí d'aois nó níos sine agus in earnáil na muicfeola maidir le muca seachas iad sin a úsáideadh chun críche síolrúcháin.

In earnáil na caoireola agus na feola gabhair, féadfaidh Ballstáit scála an Aontais maidir le haicmiú conablach caorach a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha síos i bpointe C d'Iarscríbhinn IV.

Roinn 2

Idirghabháil phoiblí*Airteagal 11***Táirgí atá incháilithe le haghaidh idirghabhála poiblí**

Beidh feidhm ag idirghabháil phoiblí maidir leis na táirgí seo a leanas i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos sa Roinn seo agus le haon cheanglas agus coinníoll breise a d'fhéadfaí a bheith le cinneadh ag an gCoimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmilgthe de bhun Airteagal 19 agus trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 20,

- (a) gnáthchruithneacht, cruithneacht chrua (durum), eorna agus arbhar Indiach;
- (b) rís gan scillgeadh;
- (c) feoil úr nó fuaraithe ó earnáil na mairteola agus na laofheola a thagann faoi réim chóid AC 0201 10 00 agus 0201 20 20 go 0201 20 50;
- (d) im a táirgeadh go díreach ó uachtar paisteartha agus uaidh sin amháin a fuarthas go díreach ó bhainne bó agus uaidh sin amháin i ngnóthas formheasta san Aontas agus a bhfuil cion saille ime íosta 82 % de réir meáchain agus cion uisce uasta 16 % de réir meáchain inti;
- (e) púdar bainne bhearrtha den chaighdeán is airde a táirgeadh trí spraepróiseas ó bhainne bó i ngnóthas formheasta san Aontas agus a bhfuil cion próitéine íosta 34,0 % de réir meáchain ann san ábhar tirim saor ó shaill.

*Airteagal 12***Tréimhsí idirghabhála poiblí**

Beidh idirghabháil phoiblí le fáil i gcomhair an méid seo a leanas:

- (a) gnáthchruithneacht, cruithneacht chrua (durum), eorna agus arbhar indiach, ón 1 Samhain go dtí an 31 Bealtaine;
- (b) rís gan scillgeadh, ón 1 Aibreán go dtí an 31 Iúil;
- (c) mairteoil agus laofheoil, ar feadh na bliana;
- (d) im agus bainne bearrtha triomaithe, ón 1 Márta go 30 Meán Fómhair.

*Airteagal 13***Idirghabháil phoiblí a oscailt agus a dhúnadh**

1. Maidir le hidirghabháil phoiblí, i gcaitheamh na dtréimhsí dá dtagraítear in Airteagal 11:

- (a) beidh sí ar oscailt i gcomhair gnáthchruithneachta, ime agus púdair bhainne bhearrtha;
- (b) féadfaidh an Coimisiún í a oscailt, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, i gcomhair cruithneachta cruu (durum), eorna, arbhair indigh agus ríse gan scilleagadh (lena n-áirítear cineálacha nó tíopaí sonracha ríse gan scilleagadh),

más gá de bharr staid an mhargaidh. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2);

- (c) féadfaidh an Coimisiún í a oscailt i gcomhair mairteola agus laofheola, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) a chur i bhfeidhm, más rud é gur lú ná 85 % den tairseach tagartha a leagtar síos i bpointe (d) d'Airteagal 7(1) meánphraghas an mhargaidh in imeacht tréimhse ionadaíche arna chinneadh de bhun phointe (c) den chéad mhír d'Airteagal 20 i mBallstát nó i réigiún i mBallstát agus arna thaifeadadh ar bhonn scála an Aontais um aicmiú conablach bó-ainmhithe dá dtagraítear i bpointe A d'Iarscríbhinn IV.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena ndúntar idirghabháil phoiblí i gcomhair earnáil na mairteola agus na laofheola, i gcás nach gcomhlíontar a thuilleadh, thar thréimhse ionadaíoch arna chinneadh de bhun phointe (c) den chéad mhír d'Airteagal 20, na coinníollacha dá bhforáiltear i bpointe (c) de mhír 1 den Airteagal seo. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) a chur i bhfeidhm.

*Airteagal 14***Ceannach isteach ar phraghas socrúithe nó trí thairiscintí**

I gcás ina bhfuil idirghabháil phoiblí ar oscailt de bhun Airteagal 13(1), déanfaidh an Chomhairle, i gcomhréir le hAirteagal 43(3) CFAE, bearta chun na praghsanna don cheannach isteach a shocrú do na táirgí dá dtagraítear in Airteagal 11 agus, i gcás inarb iomchuí, bearta maidir le srianta cainníochtúla i gcás ina ndéantar an ceannach isteach ar phraghas socrúithe.

*Airteagal 15***Praghasidirghabhála poiblí**

1. Ciallaíonn praghas idirghabhála poiblí an méid seo a leanas:

- (a) an praghas ar a gceannófar táirgí isteach faoi idirghabháil phoiblí i gcás ina ndéanfar sin ar phraghas socrúithe; nó
- (b) an t-uasphraghas ar ar féidir táirgí atá incháilithe le haghaidh idirghabhála poiblí a cheannach isteach i gcás ina ndéanfar sin trí thairiscintí.

2. Déanfaidh an Chomhairle na bearta chun leibhéal phraghas na hidirghabhála poiblí a shocrú, lena n-áirítear méid na méaduithe agus na lagduithe, i gcomhréir le hAirteagal 43(3) CAE.

*Airteagal 16***Prionsabail ghinearálta maidir le diúscairt ó idirghabháil phoiblí**

1. Déanfar táirgí arna gceannach isteach faoi idirghabháil phoiblí a dhiúscairt ar bhealach a dhéanfaidh an méid seo a leanas:

- (a) aon suaiththeadh sa mhargadh a sheachaint,

- (b) rochtain chomhionann ar earraí agus cóireáil chomhionann ceannaitheoirí a áirithiú agus
- (c) na gealltanais a chomhlíonadh a thagann as comhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích i gcomhréir le CFAE.

2. Féadfar táirgí arna gceannach isteach faoi idirghabháil phoiblí a dhiúscairt trína gcur ar fáil i gcomhair a n-úsáide sa scéim um dháileadh bia ar na daoine is díothaí san Aontas amháil a leagtar amach sma gníomrhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais. I gcásanna den sórt sin, beidh luach cuntasaíochta na dtáirgí sin ar an leibhéal céanna leis an bpraghas socraithe idirghabhála poiblí dá dtagraítear in Airteagal 14(2) den Rialachán seo.

3. Foilseoidh an Coimisiún sonraí gach bliain faoi na coinníollacha faoinar díoladh táirgí arna gceannach isteach faoi idirghabháil phoiblí an bhliain roimhe sin.

Cuid 3

Cabhair le haghaidh stórála príobháidí

Airteagal 17

Táirgí cáilithe

Féadfar cabhair a dheonú le haghaidh stórála príobháidí i gcás na dtáirgí seo a leanas i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos sa Roinn seo agus le haon cheanglas agus le haon choinníoll eile atá le glacadh ag an gCoimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 18(1) nó Airteagal 19 agus gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 18(2) nó Airteagal 20:

- (a) siúcra bán;
- (b) ola olóige;
- (c) snáithín lín;
- (d) feoil úr nó fuaraithe ó bhó-ainmhithe atá ocht mí d'aois nó níos sine;
- (e) im a táirgeadh go díreach ó bhainne bó agus uaidh sin amháin;
- (f) cáis;
- (g) púdar bainne bhearrtha a rinneadh as bainne bó;
- (h) muiceoil;
- (i) caoireoil agus feoil ghabhair.

Tá pointe (f) den chéad mhír srianta do cháis a bheidh ag tairbhiú de shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó de thásc geografach faoi chosaint faoi Rialachán (EU) Uimh. 1151/2012, ar cáis é a stóráiltear níos sia ná an tréimhse aibiúcháin a leagtar síos sa tsonraíocht táirge i gcás an táirge dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin agus/nó, más iomchuí, ar feadh tréimhse aibiúcháin a chuireann le luach na cáise.

Airteagal 18

Coinníollacha maidir le deonú

1. D'fhonn trédhearcacht sa mhargadh a sholáthar, nuair is gá, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha

tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos na coinníollacha faoinar féidir leis cinneadh a dhéanamh cabhair stórála príobháidí a dheonú le haghaidh na dtáirgí atá liostaithe in Airteagal 17, agus an méid seo a leanas á gcur san áireamh:

- (a) meánphraghsanna taifeadta an mhargaidh san Aontas na tairseacha tagartha agus na costais táirgthe le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann; agus/nó
- (b) an gá freagairt a thabhairt go tráthúil ar staid an-achrannach sa mhargadh nó ar dhálaí eacnamaíochta a bhfuil androchthionchar acu ar chorrtaigh san earnáil sin.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh:

- (a) lena ndeonaítear cabhair stórála príobháidí le haghaidh na dtáirgí atá liostaithe in Airteagal 17, ag cur na gcoinníollacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo san áireamh;
- (b) lena gcuirtear srian ar dheonú cabhrach don stóráil phríobháideach

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

3. Is í an Chomhairle a dhéanfaidh na bearta maidir leis na méideanna cabhrach a shocrú don stóráil phríobháideach i gcomhréir le hAirteagal 43(3) CFAE.

Roinn 4

Forálacha ginearálta maidir le hidirghabháil phoiblí agus cabhair le haghaidh stórála príobháidí

Airteagal 19

Cumhachtaí tarmligthe

1. D'fhonn a áirithiú go mbeidh táirgí a cheannaítear isteach faoi idirghabháil phoiblí nó atá faoi réir cabhrach le haghaidh stórála príobháidí oiriúnach chun a stórála fadtarmaí agus gur de cháilíocht chothrom, fhónta agus indíolta a bheidh siad agus chun saintréithe sonracha na n-earnálacha éagsúla a chur san áireamh chun feidhmiú costéifeachtach na hidirghabhála poiblí agus na stórála príobháidí a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos na ceanglais agus na coinníollacha atá le comhlíonadh ag na táirgí sin, de bhreis ar na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo. Leis na ceanglais agus leis na coinníollacha sin, féachfar leis an méid a leanas a ráthú, i leith na dtáirgí a cheannaítear isteach agus a stóráiltear:

- (a) a gcáilíocht maidir le paraiméadair cháilíochta, grúpaí cáilíochta, gráid cháilíochta, catagóirí, saintréithe táirgí agus maidir le haoiseanna;

(b) a gcáilitheacht, maidir le cainníochtaí, pacáistiú lena n-áirítear lipéadú, caomhnú, réamhchonarthaí stórála, formheas gnóthas agus céim na dtáirgí lena mbaineann na praghsanna idirghabhála poiblí agus an chabhair le haghaidh stórála príobháidí.

2. Chun saintréithe sonracha saintréithe sonracha earnáil na ngránach agus earnáil na ríse gan scilligeadh a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmiligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 227, lena leagtar síos na critéir cháilíochta i ndáil le gnáthchruithneacht, cruithneacht chrua, eorna, arbhar indiach agus rís gan scilleagadh a cheannach isteach agus a dhíol ar aon.

3. D'fhonn a áirithiú go mbeidh toilleadh iomchuí stórála ann agus go mbeidh córas na hidirghabhála poiblí éifeachtúil a mhéid a bhaineann le costéifeachtacht, dáileadh agus rochtain d'oibreoírí, agus chun cáilíocht na dtáirgí sin a cheannaítear isteach faoi idirghabháil phoiblí lena ndíúscairt ag deireadh na tréimhse stórála a choinneáil, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmiligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos:

(a) na ceanglais atá le comhlíonadh ag áiteanna stórála do na táirgí uile a bheidh faoi réir na hidirghabhála poiblí;

(b) rialacha maidir le stóráil táirgí laistigh nó lasmuigh den Bhallstát atá freagrach astu agus as cóireáil na dtáirgí sin maidir le dleachtanna custaim agus aon mhéideanna eile atá le deonú nó le gearradh faoin CBT.

4. D'fhonn a áirithiú go mbeidh an éifeacht inmhianaithe ag stóráil phríobháideach ar an margadh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmiligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos:

(a) na rialacha agus na coinníollacha is infheidhme i gcás inar lú an chainníocht atá á stóráil ná an chainníocht atá ar conradh;

(b) na coinníollacha faoina ndeonófar réamhíocaíocht den chabhair sin;

(c) na coinníollacha faoina bhféadfar cinneadh a dhéanamh go bhféadfar táirgí a chumhdaítear le conarthaí príobháideacha stórála a athmhargú nó a dhiúscairt.

5. Chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh córais na hidirghabhála poiblí agus na stórála príobháidí mar is cuí, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmiligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227:

(a) lena bhforáiltear d'úsáid nósanna imeachta tairisceana lena ráthaítear rochtain chomhionann ar earraí agus cóireáil chomhionann d'oibreoírí;

(b) lena leagtar síos na coinníollacha breise atá le comhlíonadh ag oibreoírí le gur fusa a bheidh sé do na Ballstáit agus do na hoibreoírí an córas a bhainistiú agus a rialú go héifeachtach;

(c) lena leagtar síos an ceanglas ar oibreoírí urrús a thaisceadh lena ráthaítear go gcuirfear a gcuid oibleagáidí i gcrích.

6. Chun na forbairtí teicniúla agus riachtanais na n-earnálacha dá dtagraítear in Airteagal 10 a chur san áireamh, chomh maith leis an ngá go ndéanfar cur i láthair na dtáirgí difriúla a chaighdeánú chun feabhas a chur ar thrédhearcacht an mhargaidh, ar thairfeadh praghsanna agus ar chur i bhfeidhm na mbeart idirghabhála sa mhargadh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmiligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena gcuirfear in oiriúint agus lena dtabharfar suas chun dáta forálacha Iarscríbhinn IIIa maidir le scálaí an Aontais um chonablaigh a aicmiú, a shainiú agus a chur i láthair agus:

(a) lena ndéantar fórála Iarscríbhinn IV maidir le scálaí an Aontais um chonablaigh a aicmiú, a shainiú agus a chur i láthair a mhodhnú agus a uasdatú;

(b) lena leagtar síos forálacha breise maidir le haicmiú, lena n-áirítear aicmiú á dhéanamh ag aicmitheoirí cáilithe, grádú lena n-áirítear grádú á dhéanamh le teicnící uathoibrítheacha grádaithe, sainiú, meá agus marcáil conablaigh, agus maidir le ríomh gnáthphraghsanna an Aontais agus na comhéifeachtaí ualaitheacha a úsáidtear chun na praghsanna sin a ríomh;

(c) lena leagtar síos maoluithe ó fhorálacha agus maoluithe sonracha a d'fhéadfadh na Ballstáit a thabhairt do sheamlais nach maraítear ach líon beag bó-ainmhí iontu, agus forálacha breise i leith na dtáirgí lena mbaineann, lena n-áirítear na haicmí comhlíonta agus clúdaigh shaille in earnálacha na mairteola agus na laofheola agus in earnáil na caoireola, agus forálacha breise maidir le meáchan, dath na feola agus an chlúdaigh shaille agus na critéir aicmithe do chaoirigh éadroma;

(d) údarú a thabhairt do na Ballstáit gan an scála grádaithe a chur i bhfeidhm maidir le haicmiú conablaigh muc agus chun critéir mheasúnaithe a úsáid mar aon le meáchan agus leis an gcion feola trua measta nó lena leagtar síos maoluithe ón scála sin.

Airteagal 20

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmiligthe lena leagtar síos na bearta is gá chun an Chaibidil seo a chur chun feidhme ar bhealach aonfhoirmeach. Féadfaidh baint a bheith ag na bearta sin leis an méid seo a leanas go háirithe:

(a) na costais is iníoctha ag an oibreoír i gcás nach gcomhlíontar, le táirgí a sheachadtar le haghaidh idirghabhála poiblí, na híoscceanglais cháilíochta;

(b) íostoilleadh stórála a shocrú d'áiteanna stórála idirghabhála;

(c) na tréimhsí, na margaí agus na praghsanna margaí ionadaíocha is gá chun an Chaibidil seo a chur i bhfeidhm;

(d) seachadadh na dtáirgí atá le ceannach isteach faoi idirghabháil phoiblí, na costais iompair atá le híoc ag an tairgeoír, gabháil ar láimh na dtáirgí ag na gníomhaireachtaí íocaíochta agus an íocaíocht;

- (e) na hoibríochtaí éagsúla a bhaineann leis an bpróiseas díchnámhaithe i gcás earnáil na mairteola agus na laofheola;
- (f) na socrúithe praiticiúla do tháirgí a phacáistiú, a mhargú agus a lipéadú;
- (g) na nósanna imeachta chun gnóthais a tháirgeann im agus púdar bainne bearrtha chun críocha na Caibidíle seo;
- (h) aon údarú ar stóráil lasmuigh de chríoch an Bhallstáit inar ceannaíodh isteach agus inar stóráladh na táirgí;
- (i) díol nó diúscairt táirgí a cheannaítear isteach faoi idirghabháil phoiblí, go háirithe, maidir le praghsanna díolta, na coinníollacha maidir leis na táirgí a bhaint ó stóras, úsáid nó ceann scríbe iardain na dtáirgí a scaoiltear, lena n-áirítear nósanna imeachta a bhaineann le táirgí a chuirtear ar fáil i gcomhair a n-úsáide sa scéim dá dtagraítear in Airteagal 16(2), lena n-áirítear aistriú idir Ballstáit;
- (j) i leith táirgí a cheannaítear isteach faoi idirghabháil poiblí, na forálacha maidir le díol cainníochtaí beaga atá fós á stóráil nó cainníochtaí nach féidir a athphacáistiú a thuilleadh nó atá meathlathaithe sna Ballstáit, atá le cur i gcrích faoina gcúram féin;
- (k) maidir le stóráil phríobháideach, tabhairt i gcrích agus ábhar na gconarthaí idir údarás inniúil an Bhallstáit agus na hiarratasóirí;
- (l) táirgí a chur agus a choimeád i stóráil phríobháideach agus iad a bhaint amach ón stóras;
- (m) fad na tréimhse stórála príobháidí agus na forálacha ar dá réir a fhéadfar tréimhsí den sórt sin, ach iad a bheith sonraithe sna conarthaí, a chiorrú nó a fhadú;
- (n) na nósanna imeachta atá le leanúint chun ceannach isteach ar phraghas socraithe, lena n-áirítear na nósanna imeachta don urrús atá le taisceadh agus méid an urrúis sin nó do chabhair a réamhshocraítear a dheonú do stóráil phríobháideach;
- (o) úsáid nósanna imeachta tairisceana, i gcomhair idirghabhála poiblí agus stórála príobháidí, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:
- (i) forthairiscintí nó tairiscintí a chur isteach, agus an t-íosmhéid i gcomhair iarratais nó tíolactha;
- (ii) na nósanna imeachta don urrús atá le taisceadh agus méid an urrúis sin; agus
- (iii) tairiscintí a roghnú lena n-áirítear go dtabharfar tús áite do na cinn sin is fabhraí ó thaobh an Aontais de, ach a cheadú nach gá go mbronnfar conradh dá bharr.
- (p) scálaí an Aontais um chonablaigh mart, muc nó caoracha a aicmiú a chur chun feidhme;
- (q) cur i láthair eile conablach agus leathconablach seachas an ceann a leagtar síos i bpointe A.IV d'Iarscríbhinn IV chun praghsanna margaidh a chinneadh;
- (r) na fachtóirí ceartaitheacha atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit a úsáidfead do chur i láthair difriúil conablach mairteola agus caorach i gcás nach n-úsáidtear an cur i láthair tagartha;
- (s) na socrúithe praiticiúla chun conablaigh aicmithe a mharcáil agus le go ríomhfaidh an Coimisiún meánphraghas ualaithe an Aontais do chonablaigh mart, muc agus caorach;
- (t) a údarú do Bhallstáit go bhforálfaí, i ndáil le muca a mharaítear ina gcríoch féin, go bhféadfaí conablaigh muc a chur i láthair ar bhealach eile seachas an cur i láthair a leagtar amach i bpointe B.III d'Iarscríbhinn IV, má chomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:
- (i) má tá an gnáthchleachtas tráchtála ar a gcríoch difriúil ón gcur i láthair caighdeánach a shainmhínítear sa chéad fhomhír de phointe B III d'Iarscríbhinn IV;
- (ii) má dhlíonn na ceanglais theicniúla é;
- (iii) má dhéantar seithe conablach a bhaint ar bhealach aonfhoirmeach.
- (u) na forálacha go ndéanadh coiste de chuid an Aontais, ar a mbeidh saineolaithe ón gCoimisiún agus saineolaithe a cheapfaidh na Ballstáit, athbhreithniú ar an láthair ar chur i bhfeidhm aicmiú conablach sna Ballstáit, chun cruinneas agus iontaofacht a áirithiú i leith aicmiú conablach. Leis na forálacha sin, féadfar a fhoráil gurb é an tAontas a íocfaidh na costais a bheidh ann de bharr an athbhreithnithe.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 21

Cumhachtaí eile cur chun feidhme

Glacfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme chun údarú a thabhairt do na Ballstáit i ndáil le huain ar lú meáchan a gconablach ná 13 kg, na critéir a leanas a úsáid don aicmiú, de mhaolú ar phointe C.III d'Iarscríbhinn IV:

(a) meáchan an chonablaigh;

(b) dath na feola;

(c) clúdach saille.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) a chur i bhfeidhm.

CAIBIDIL II

Scéimeanna cabhrach

Roinn 1

Scéime chun an rochtain ar bhia a fheabhsú

Airteagal 22

Spriocghrúpa

Scéimeanna cabhrach atá ceaptha le feabhas a chur ar dháileadh táirgí talmhaíochta agus ar nósanna itheacháin i measc páistí, tá siad dírithe ar pháistí a fhreastlaíonn go rialta ar naíonraí, réamhscoileanna nó ar fhórais oideachais bunscóile nó dara leibhéal atá á riaradh ag údaráis inniúla na mBallstát nó a bhfuil aitheantas acu uathu.

Foroinn 1

Scéimeanna torthaí scoile

Airteagal 23

Cabhair chun torthaí agus glasraí, torthaí agus glasraí próiseáilte agus táirgí ó bhananaí a sholáthar do leanaí

1. Deonófar tacaíocht ón Aontas maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) táirgí earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus earnáil na mbananaí a sholáthar do leanaí sna fórais oideachais dá dtagraítear in Airteagal 22;
- (b) costais ghaolmhara áirithe a bhaineann le cúrsaí lóistíochta agus dáileacháin, le trealamh, le poiblíocht, le faireachán, le meastóireacht agus le bearta tionlacain.

2. Na Ballstáit sin ar mian leo páirt a ghlacadh sa scéim, dréachtóidh siad réamhstraitéis, ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, lena cur chun feidhme. Déanfaidh siad foráil freisin maidir leis na bearta tionlacain is gá, lena n-áireofaí faisnéis faoi bhearta le haghaidh oideachais faoi nósanna sláintiúla itheacháin, faoi shlabhraí bia áitiúla agus faoi chur amú bia a chomhrac, chun go mbeadh an scéim éifeachtach.

3. Agus a straitéisí á dtarraingt suas acu, tarraingeoidh na Ballstáit suas liosta de tháirgí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus in earnáil na mbananaí a bheidh incháilithe faoina scéimeanna faoi seach. Ní chuirfear sa liosta seo táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn V.

Ach, i gcásanna cuí-réasúnaithe, mar shampla i gcás inar mhian le Ballstát a áirithiú go mbeadh réimse leathan táirgí faoina scéim féin nó go inar mian leis a scéim a dhéanamh níos tarraingtí, féadfar a fhoráil lena straitéis go bhféadfadh táirgí mar sin bheith incháilithe mura gcuirtear leo ach méideanna teoranta de na substaintí dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin.

Áiritheoidh na Ballstáit go dtacóidh a n-údaráis inniúla sláinte le liosta na dtáirgí sin atá incháilithe faoina scéim.

Roghnóidh na Ballstát na táirgí ar bhonn critéar oibiachtúil a bhféadfaidh breithnithe sláinte agus comhshaoil, séasúracht, éagsúlacht, nó fáil a bheith ar an táirge a bheidh ar áireamh iontu, agus tús áite á thabhairt a mhéid is féidir do tháirgí de thionscnamh an Aontais, agus go háirithe do cheannach go háitiúil, do mhargaí áitiúla, do shlabhraí gearra soláthair nó do thairbhí don chomhshaoil.

4. Is í an Chomhairle a dhéanfaidh na bearta maidir leis an gcabhair ón Aontas dá dtagraítear in mír 1 a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 43(3) CFAE.

5. Déanfar an chabhair ón Aontas, dá dtagraítear i mír 1, a leithdháileadh do gach Ballstát ar bhonn na gcritéar oibiachtúil a bheidh bunaithe ar chionmhaireacht na bpáistí idir sé bliana agus deich mbliana d'aois.

Na Ballstáit sin a mbeidh páirt á glacadh acu sa scéim, cuirfidh siad isteach ar chabhair ón Aontas gach bliain ar bhonn na straitéise dá dtagraítear i mír 2 a bheidh acu.

Déanfaidh an Chomhairle bearta maidir leis an íosmhéid do chabhair ón Aontas a shocrú do gach Ballstát atá rannpháirteach sa scéim agus bearta maidir le leithdháiltí críoch-naitheacha, táscacha na cabhrach do na Ballstáit a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 43(3) CFAE.

6. Ní úsáidfear an chabhair ón Aontas dá dtagraítear i mír 1 in ionad cistiú le haghaidh aon cheann de na scéimeanna náisiúnta torthaí scoile atá ann cheana agus trína gcuirtear torthaí agus glasraí, torthaí agus glasraí próiseáilte, agus bananaí ar fáil nó in ionad aon scéimeanna dáileacháin eile a bhfuil a leithéid de tháirgí san áireamh iontu.

Má tá scéim á reáchtáil ag Ballstát cheana féin, áfach, a bheadh incháilithe chun cabhair a fháil ón Aontas faoin Airteagal seo agus má tá sé ar intinn aige é a shíneadh nó é a dhéanamh níos éifeachtaí, lena n-áirítear ó thaobh spriocghrúpa na scéime, fad na scéime agus táirgí incháilithe na scéime de, féadfar cabhair ón Aontas a dheonú ar choinníoll go n-urraimítear leis na teorainneacha a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagal 43(3) CFAE ó thaobh coibhneas idir cabhair ón Aontas agus an ranníocaíocht náisiúnta iomlán. I gcás den sórt sin, léireoidh an Ballstát ina straitéis cur chun feidhme conas atá sé ar intinn aige an scéim a shíneadh nó í a dhéanamh níos éifeachtaí.

7. Féadfaidh na Ballstáit, sa bhreis ar chabhair ón Aontas, cabhair náisiúnta a dheonú i gcomhréir le hAirteagal 152.

8. Beidh scéim torthaí agus glasraí scoile an Aontais gan dochar d'aon scéimeanna náisiúnta torthaí agus glasraí scoile ar leithligh atá ag luí le dlí an Aontais.

9. Féadfaidh an tAontas maoiniú a thabhairt, faoi Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1306/2013, do bhearta faisnéise, faireacháin agus meastóireachta maidir leis an Scéim Torthaí agus Glasraí Scoile, lena n-áirítear bearta maidir le feasacht an phobail ina leith a ardú, agus bearta líonraithe gaolmhara.

10. Poibleoidh na Ballstáit sin atá rannpháirteach sa scéim, ag na hionad a bhfuil an bia á dháileadh, go bhfuil siad páirteach sa scéim chabhrach agus go bhfuil fóirdheontas á fháil acu ón Aontas.

Airteagal 24

Cumhachtaí tarmiligthe

1. Chun nósanna itheacháin sláintiúla a chur chun cinn i measc páistí agus chun a áirithiú go mbeidh an chabhair dírithe ar leanaí atá sa spriocghrúpa dá dtagraítear in Airteagal 22, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmiligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 a bhaineann le rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) na critéir bhreise maidir le cabhair a bheith á spriocdhírú ag na Ballstáit;
- (b) na hiarratasóirí ar chabhair a bheith á bhformheas agus á roghnú ag na Ballstáit;
- (c) na straitéisí náisiúnta nó réigiúnacha a dhréachtú agus maidir le bearta tionlacain.

2. D'fhonn a áirithiú go n-úsáidfeadh cistí an Aontais ar bhealach éifeachtúil agus spriocdhírithé, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmiligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) an modh chun leithdháileadh tascach na cabhrach dá dtagraítear in Airteagal 23(5) a ath-leithdháileadh i measc na mBallstát ar bhonn na n-iarratas a fuarthas ar chabhair;
- (b) na costais i straitéisí na mBallstát atá incháilithe don chabhair ón Aontas agus go bhfeádfaí tairseach fhoriomlán a shocrú do chostais shonracha;
- (c) an dualgas ar na Ballstáit faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a scéimeanna torthaí agus glasraí scoile.

3. Chun feasacht faoin scéim a chur chun cinn, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmiligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena gcuirfeadh de cheangal ar na Ballstáit a bhfuil scéim torthaí agus glasraí scoile acu poiblíocht a thabhairt do ról fóirdheonaitheach na cabhrach ón Aontas.

Airteagal 25

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na bearta ar fad is gá chun an Fhoroinn seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- (a) an fhaisnéis atá le bheith i straitéisí na mBallstát;
- (b) na hiarratais ar chabhair agus íocaíochtaí;
- (c) na modhanna poiblithe agus bearta líonraithe i leith na scéime;
- (d) tiolacadh, formáid agus ábhar na dtuarascálacha faireacháin agus meastóireachta a dhéanfaidh na Ballstáit atá rannpháirteach i scéim torthaí agus glasraí scoile an Aontais.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Foroinn 2

Scéim bainne scoile

Airteagal 26

Cabhair chun bainne agus táirgí bainne a sholáthar do leanaí

1. Deonófar cabhair ón Aontas chun táirgí áirithe bainne agus bainne phróiseáilte a sholáthar do leanaí i bhforais oideachais dá dtagraítear in Airteagal 22, ar táirgí iad a thagann faoi réim chóid AC 0401, 0403, 0404 90 agus 0406 nó chóid AC 2202 90.

2. Ón 1 Lúnasa 2015 beidh straitéis roimh ré ag Ballstáit, ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, ar mian leo páirt a ghlacadh sa scéim lena cur chun feidhme. Féadfaidh siad foráil a dhéanamh freisin do na bearta tionlacain is gá, lena n-áireofaí faisnéis faoi bhearta le haghaidh oideachais faoi nósanna sláintiúla itheacháin, faoi shlabhraí bia áitiúla agus faoi chur amú bia a chomhrac, chun go mbeadh an clár éifeachtach.

3. Agus a gcuid straitéisí á ndréachtú acu, cuirfidh na Ballstáit liosta le chéile den bhainne agus de na táirgí bainne a bheidh incháilithe faoina scéimeanna faoi seach, i gcomhréir leis na rialacha a ghlac an Coimisiún de bhun Airteagal 27.

4. Ní úsáidfeadh an chabhair ón Aontas dá dtagraítear i mír 1 in ionad cistiú le haghaidh aon cheann de na scéimeanna náisiúnta atá ann cheana maidir le bainne agus táirgí bainne ná in ionad cistiú le haghaidh scéimeanna eile dáileacháin a áiríonn bainne nó táirgí bainne, ach amháin chun béilí a dháileadh saor in aisce ar leanaí i bhforais oideachais. Má tá scéim á reáchtáil ag Ballstát cheana féin, áfach, a bheadh incháilithe chun cabhair a fháil ón Aontas faoin Airteagal seo agus má tá sé ar intinn aige é a shíneadh nó é a dhéanamh níos éifeachtaí, lena n-áirítear ó thaobh spriocghrúpa na scéime de, fad na scéime agus táirgí incháilithe na scéime, féadfar cabhair ón Aontas a dheonú. I gcás den sórt sin, léireoidh an Ballstát ina straitéis cur chun feidhme conas atá sé ar intinn aige an scéim a shíneadh nó í a dhéanamh níos éifeachtaí.

5. Féadfaidh na Ballstáit, sa bhreis ar chabhair ón Aontas, cabhair náisiúnta a dheonú i gcomhréir le hAirteagal 217.

6. Beidh scéim bainne agus táirgí bainne an Aontais gan dochar d'aon scéimeanna náisiúnta scoile ar leithligh a spreagann páistí le bainne agus táirgí bainne a chaitheamh agus atá ag luí le dlí an Aontais.

7. Is í an Chomhairle a dhéanfaidh na bearta maidir le cabhair ón Aontas i gcomhair an bhainne ar fad agus i gcomhair táirgí bainne agus maidir leis an uaschainníocht atá incháilithe don chabhair ón Aontas dá bhforáiltear i mír 1 a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 43(3) CFAE.

8. Poibleoidh na Ballstáit sin atá rannpháirteach sa scéim, ag na hionad a bhfuil an bia á dháileadh, go bhfuil siad páirteach sa scéim chabhrach agus go bhfuil fóirdheontas á fháil acu ón Aontas.

Airteagal 27

Cumhachtaí tarmligthe

1. Chun an éabhlóid i bpatrúin tomhaltais do tháirgí déiríochta a chur san áireamh, mar aon leis na nuálaíochtaí agus na forbairtí i margadh na dtáirgí déiríochta, infhaighteach na dtáirgí ar mhargáí éagsúla an Aontais agus gnéithe cothaitheacha, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227, lena gcinnfear:

- (a) na táirgí atá incháilithe don scéim, i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos in Airteagal 26(1) agus na gnéithe cothaitheacha á gcur san áireamh;
- (b) na straitéisí náisiúnta nó réigiúnacha arna dtarraingt suas ag na Ballstáit, lena n-áirítear na bearta tionlacain i gcás inarb infheidhme; agus
- (c) na bearta is gá chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh.

2. D'fhonn a áirithiú go n-úsáidfean an chabhair ón Aontas ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) rialacha i ndáil leis na tairbhíthe agus na hiarratasóirí atá incháilithe don chabhair;
 - (b) an ceanglas go mbeadh na hiarratasóirí faofa ag na Ballstáit;
 - (c) úsáid na dtáirgí déiríochta atá ag baint tairbhe as an gcabhair in ullmhú na mbéilí i bhforais oideachais.
3. D'fhonn a áirithiú go n-urramóidh iarratasóirí ar chabhair a n-oibleagáidí, tabharfar de chumhacht don Choimisiún

gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir le bearta i ndáil leis an gceanglas urrús a thaisceadh i gcás ina réamhíocfar cabhair.

4. D'fhonn feasacht faoin scéim a chur chun cinn, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena sonrófar na coinníollacha ar i gcomhréir leo a gcaithfidh na Ballstáit a phoibliú go bhfuil siad rannpháirteach sa scéim chabhrach agus go bhfuil fóirdheontas á fháil acu ón Aontas.

5. D'fhonn a áirithiú go léirítear an chabhair sna praghsanna ar a gcuirtear táirgí ar fáil faoin scéim, cumhachtófar an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos rialacha maidir le faireachán ar phraghsanna a bhunú faoin scéim.

Airteagal 28

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na bearta ar fad is gá chun an Fhoróinn seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- (a) nósanna imeachta chun a áirithiú go n-urramófar an uaschainníocht atá incháilithe don chabhair;
- (b) na nósanna imeachta don urrús atá le taisceadh agus méid an urrúis sin i gcás ina ndéanfar réamhíocaíocht;
- (c) rialacha maidir leis an bhfaisnéis a sholáthrófar do na Ballstáit maidir le formheasadh, iarratais ar chabhair agus íocaíochtaí cabhrach;
- (d) na modhanna chun an scéim a phoibliú;
- (e) faireachán ar na praghsanna a bhainistiú de bhun Airteagal 27(5).

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Roinn 2

Cabhair in earnáil na hola olóige agus na nológ boird

Airteagal 29

Cláir chun tacú le hearnáil na hola olóige agus na n-ológ boird

1. Maoineoidh an tAontas cláir oibre trí bliana atá le tarraingt suas ag na heagraíochtaí oibreoirí a aithnítear faoi Airteagal 152, ag comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Airteagal 156 nó ag na heagraíochtaí idirchraoibhe a aithnítear faoi Airteagal 157 i gceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas:

- (a) monatóireacht ar an margadh agus bainistiú an mhargaidh in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird;

- (b) feabhas a chur ar an tionchar atá ag saothrú ológ ar an gcomhshaol;
- (c) feabhas a chur ar an iomaíochas i dtaca le saothrú ológ trí nuachóiriú;
- (d) cáilíocht táirgthe na hola olóige agus na n-ológ boird a fheabhsú;
- (e) an córas inrianaitheachta, deimhniúchán agus cosaint cháilíocht ola olóige agus ológ boird, faoi údarás na riarachán náisiúnta, go háirithe trí fhaireachán a dhéanamh ar cháilíocht olaí olóige a dhíoltar chuig na tomhaltóirí deireanacha;
- (f) faisnéis a scaipeadh maidir leis na bearta atá á gcur i gcrích ag eagraíochtaí táirgeoirí, ag comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí nó ag eagraíochtaí idirchraoibhe chun feabhas a chur ar cháilíocht na hola olóige agus na n-ológ boird.

2. Is mar seo a leanas a bheidh maoiniú an Aontais do na cláir oibre dá dtagraítear i mír 1:

- (a) EUR 11 098 000 in aghaidh na bliana i gcomhair na Gréige;
- (b) EUR 576 000 in aghaidh na bliana i gcomhair na Fraince; agus
- (c) EUR 35 991 000 in aghaidh na bliana i gcomhair na hIodáile.

3. Beidh uasmhéid an chistithe ón Aontas i gcomhair na gclár oibre dá dtagraítear i mír 1 cothrom leis na méideanna a choinníonn na Ballstáit siar. Is iad seo a leanas uasmhéideanna an chistithe don chostas incháilithe:

- (a) 75 % i gcomhair gníomhaíochtaí sna réimsí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 1;
- (b) 75 % i gcomhair infheistíochtaí i sócmhainní seasta agus 50 % i gcomhair gníomhaíochtaí eile sa réimse dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 1;
- (c) 75 % i gcomhair clár oibre a dhéanann eagraíochtaí aitheanta dá dtagraítear i mír 1 ó dhá Bhallstát táirgeora ar a laghad a chur i gcrích i dtír thríú tír ar a laghad nó i mBallstáit nach dtáirgeann na hearraí sin, agus an obair sin sna réimsí dá dtagraítear i bpointe (e) agus i bpointe (f) de mhír 1, agus 50 % i gcomhair na ngníomhaíochtaí eile sna réimsí sin.

Áiritheoidh an Ballstát go gcuirfear maoiniú comhlántach ar fáil suas le 50 % de na costais nach bhfuil cumhdaithe ag cistiú ón Aontas.

Airteagal 30

Cumhachtaí tarmiligthe

D'fhonn a áirithiú go mbainfear leas éifeachtúil, éifeachtach as an gcabhair ón Aontas dá bhforáiltear in Airteagal 27 chun cáilíocht táirgthe ola olóige agus ológ boird a fheabhsú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmiligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) i leith na réimsí sin dá dtagraítear in Airteagal 29(1), na bearta sonracha a fhéadfar a mhaoiniú leis an gcabhair ón Aontas agus na gníomhaíochtaí agus na costais nach bhféadfar a mhaoiniú;
- (b) leithdháileadh íosta na mBallstát, ar réimsí sonracha, de mhaoiniú ón Aontas;
- (c) an ceanglas chun urrús a thaisceadh nuair a thíolactar iarratas ar chlár oibre a fhorhmeas agus nuair a dhéantar réamhíocaíocht de chabhair;
- (d) na critéir atá le cur san áireamh ag na Ballstáit agus cláir oibre á roghnú agus á bhformheas.

Airteagal 31

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na bearta ar fad is gá chun an Roinn seo a chur chun feidhme maidir leis an méid a leanas:

- (a) cláir oibre a chur chun feidhme agus leasuithe ar na cláir sin;
- (b) cabhair a íoc, lena n-áirítear réamhíocaíochtaí de chabhair;
- (c) na nósanna imeachta don urrús atá le taisceadh agus méid an urrúis sin nuair a thíolactar iarratas ar chlár oibre a fhorhmeas agus nuair a dhéantar réamhíocaíocht de chabhair.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Roinn 3

Cabhair in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí

Airteagal 32

Cistí oibriúcháin

1. Féadfaidh eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus/nó a gcomhlachais agus na nglasraí ciste oibriúcháin a bhunú. Cuirfear maoiniú ar fáil don chiste:

- (a) trí ranníocaíochtaí airgeadais uathu seo a leanas:
 - (i) comhaltaí d'eagraíochtaí táirgeoirí agus/nó an eagraíocht táirgeoirí í féin; nó
 - (ii) comhlachais d'eagraíochtaí táirgeoirí trí chomhaltaí na gcomhlachas sin;
- (b) trí chúnamh airgeadais ón Aontas a fhéadfar a dheonú d'eagraíochtaí táirgeoirí, nó do chomhlachais dá gcuid, i gcás ina bhfuil clár oibriúcháin nó cuid de chlár oibriúcháin á thíolacadh, á bhainistiú agus á chur chun feidhme acu, i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bheidh le glacadh ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmiligthe de bhun Airteagal 37 agus trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 38.

2. Ní úsáidfeadh cistí oibriúcháin ach amháin chun clár oibriúcháin a cuireadh faoi bhráid na mBallstát agus a d'fhormheas siad a mhaoiniú.

Airteagal 33

Clár oibriúcháin

1. Maidir le clár oibriúcháin in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, mairfidh siad ar feadh trí bliana ar a laghad agus ar feadh cúig bliana ar a mhéid. Beidh dhá cheann ar a laghad de na cuspóirí dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 152(1) nó dhá cheann de na cuspóirí seo a leanas ag baint leo:

- (a) táirgeadh a phleanáil, lena n-áirítear réamh-mheastachán ar tháirgeadh agus ar thomhaltas agus obair leantach ina leith;
- (b) cáilíocht na dtáirgí a fheabhsú, bíodh siad úr nó próiseáilte;
- (c) luach tráchtála na dtáirgí a mhéadú;
- (d) cur chun cinn na dtáirgí, bíodh siad úr nó próiseáilte;
- (e) bearta comhshaoil, go háirithe iad siúd a bhaineann le huisce, agus modhanna táirgthe a chosnaíonn an comhshaoil, lena n-áirítear feirmeoireacht orgánach;
- (f) géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú.

Cuirfeadh clár oibriúcháin faoi bhráid na mBallstát lena bhformheas.

2. Féadfaidh comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí clár iomlán oibriúcháin nó páirt de chlár oibriúcháin a thíolacadh freisin ar a mbeidh na bearta a shaináiltear eagraíochtaí is comhaltaí faoina gclár oibriúcháin, ach nach mbeidh curtha i bhfeidhm acu. Beidh na clár oibriúcháin faoi réir na rialacha céanna is atá clár oibriúcháin na eagraíochtaí is comhaltaí agus breithneofar iad in éindí le clár oibriúcháin na n-eagraíochtaí is comhaltaí.

Chuirfeadh sin, áirítear le Ballstáit an méid seo a leanas:

- (a) go ndéanfar bearta faoi chlár oibriúcháin chomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a mhaoiniú go hiomlán le ranníocaíochtaí ó na heagraíochtaí is comhaltaí den chomhlachas i dtrácht agus go mbaileofar an maoiniú sin ó chistí oibriúcháin na n-eagraíochtaí sin is comhaltaí;
- (b) go sainaithnítear na bearta agus a gcion airgeadais chomhfhreagrach i gclár oibriúcháin gach eagraíochta is comhalta;
- (c) nach bhfuil aon dúbláil ar an maoiniú.

3. Bainfidh cosc agus bainistiú géarchéimeanna, dá dtagraítear i bpointe (f) den chéad fhomhír de mhír 1, le géarchéimeanna i margaí na dtorthaí agus na nglasraí a sheachaint agus déileáil leo má tharlaíonn siad, agus sa chomhthéacs sin beidh an méid seo a leanas cumhdaithe:

- (a) infheistíochtaí a fhágann go ndéanfar na méideanna a chuirtear ar an margadh a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla;
- (b) bearta oiliúna agus malartú dea-chleachtais;
- (c) cur chun cinn agus cumarsáid, ar mhaithe le cosc nó le linn géarchéime;
- (d) tacaíocht maidir leis na costais riaracháin a bhaineann le bunú cistí frithpháirteacha;
- (e) athphlandú úllord más gá sin tar éis grafa éigeantaigh ar chúiseanna sláinte nó fiteashláintíochta ar threoir a fháil chuige sin ó údarás inniúil an Bhallstáit;
- (f) tarraingt siar ón margadh;
- (g) glasbhuint torthaí agus glasraí nó gan iad a bhuint in aon chor;
- (h) árachas buainte.

Cabhróidh tacaíocht i gcomhair árachais buainte le hioncam táirgeoirí a chosaint nuair a théann tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide, galair nó inmhiólú lotnaidí i gcion ar a n-ioncam.

Éileofar le conarthaí árachais go gcuirfidh tairbhíthe na bearta is gá i bhfeidhm maidir le riosca a chosc.

Ní chosnóidh bearta chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú, lena n-áirítear aon aisíocaíocht caipitil agus úis dá dtagraítear sa chúigiú fhomhír, níos mó ná aon trian den chaiteachas faoin gclár oibriúcháin.

Féadfaidh eagraíochtaí táirgeoirí iasachtaí a fháil ar théarmaí tráchtála chun bearta chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú a mhaoiniú. Féadfaidh aisíocaíocht ar chaipiteal agus ús na n-iasachtaí sin a bheith mar chuid den chlár oibriúcháin sa chás sin agus féadfaidh sé a bheith incháilithe chun cúnaimh airgeadais a fháil ón Aontas faoi Airteagal 34. Féadfar aon bheart sonrathach um chosc agus um bainistiú géarchéimeanna a mhaoiniú trí na hiasachtaí sin, go díreach nó ar an dá bhealach.

4. Chun críocha na Roinne seo:

- (a) ciallaíonn "glasbhuint" buaint iomlán táirgí réamhaibí i limistéar áirithe ar táirgí iad nach féidir a mhargú agus nach ndearnadh damáiste dóibh roimh an nglasbhuint, bíodh sin i ngeall ar chúiseanna aeráide, galair nó eile;
- (b) ciallaíonn "gan bhuint" go bhfuil deireadh leis an timthriall reatha táirgthe sa limistéar lena mbaineann i gcás ina bhfuil an táirge forbartha go maith, de cháilíocht shlán, chóir agus indíolta. Ní mheastar go bhfuil táirgí "gan bhuint" má scriostar iad de dheasca na drochaimsire nó de dheasca galair.

5. Áiritheoidh na Ballstáit:

- (a) go mbeidh dhá bheart comhshaoil nó níos mó ar áireamh sna cláir oibriúcháin; nó
- (b) go mbainfidh 10 % ar a laghad den chaiteachas faoi na cláir oibriúcháin le bearta comhshaoil.

Urramóidh bearta comhshaoil na ceanglais maidir le híocaíochtaí agra-chomhshaoil-aeráid a leagtar síos in Airteagal 28(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.

I gcás ina bhfuil 80 % ar a laghad de na comhaltaí ar táirgeoirí iad in eagraíocht táirgeoirí faoi réir gealltanais agra-chomhshaoil-aeráid amháin nó níos mó dá bhforáiltear in Airteagal 28(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, glacfar le gach ceann de na gealltanais sin mar bheart comhshaoil dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír den mhír seo.

Cumhdóidh tacaíocht i gcomhair na mbearta comhshaoil dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo costais bhreise agus ioncam tarscaoilte de thoradh an bhirt.

6. Áiritheoidh na Ballstáit nach gceadófar infheistíochtaí a chuireann brú breise ar an gcomhshaoil ach amháin sna cásanna sin ina gcuirtear cosaintí éifeachtacha i bhfeidhm chun an comhshaoil a chosaint ó na brúnna sin.

*Airteagal 34***Cúnamh airgeadais ón Aontas**

1. Beidh an cúnamh airgeadais ón Aontas cothrom le méid na ranníocaíochtaí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 32(1) a íoctar go hiarbhrí iad agus ní bheidh sé níos mó ná 50 % den chaiteachas iarbhír a thabhaítear.

2. Do gach eagraíochta táirgeoirí agus comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, cuirfead teorainn uasmhéid ar chúnamh airgeadais ón Aontas i dtreo nach sáróidh sé 4,1 % de luach a táirgthe arna mhargú

Féadfar, áfach, i gcás na n-eagraíochtaí is comhaltaí an céatadán sin a mhéadú go 4,6 % de luach an táirgthe arna mhargú ar choinníoll go mbaintear leas as an méid atá de bhreis ar 4,1 % de luach an táirgthe arna mhargú le haghaidh beart chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú agus lena n-aghaidh sin amháin.

I gcás comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, féadfar an céatadán sin a ardú go 4,7 % de luach an táirgthe arna mhargú, ar choinníoll go n-úsáidtear an méid atá de bhreis ar 4,1 % de luach an táirgthe arna mhargú le haghaidh beart chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú agus lena n-aghaidh sin amháin, ar bearta iad a bheidh á gcur chun feidhme ag an gcomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí thar ceann na gcomhaltaí.

3. Arna iarraidh sin d'eagraíocht táirgeoirí, méadófar an teorainn 50 % dá bhforáiltear i mír 1 go 60 % i gcomhair cláir oibriúcháin nó i gcomhair cuid de chlár oibriúcháin nuair a chomhlíonann sé ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

- (a) thíolaic roinnt eagraíochtaí táirgeoirí de chuid an Aontais é, ar eagraíochtaí iad a oibríonn i mBallstáit éagsúla ar scéimeanna trasnáisiúnta;
- (b) thíolaic eagraíocht táirgeoirí amháin nó níos mó é, ar eagraíocht í nó ar eagraíochtaí iad a oibríonn ar scéimeanna a chuirtear i gcrích ar bhonn idirchraoibhe;
- (c) ní chumhdaíonn an clár nó cuid de ach tacaíocht shonrach chun táirgí orgánacha a chumhdaítear i Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ⁽¹⁾ a tháirgeadh;
- (d) is é an chéad cheann é a thíolaic eagraíocht aitheanta táirgeoirí atá mar thoradh ar chumasc idir dhá eagraíocht aitheanta táirgeoirí;
- (e) is é an chéad cheann é a thíolaic comhlachas aitheanta eagraíochtaí táirgeoirí;
- (f) thíolaic eagraíochtaí táirgeoirí é, ar eagraíochtaí táirgeoirí iad i mBallstáit ina gcuireann eagraíochtaí táirgeoirí níos lú ná 20 % den táirgeadh torthaí agus glasraí ar an margadh;
- (g) thíolaic eagraíocht táirgeoirí i gceann de na réigiúin is forimeallaí san Aontas dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE.

4. Méadófar an teorainn 50 % dá bhforáiltear i mír 1 go 100 % i gcásanna ina dtarraingeofar siar torthaí agus glasraí ón margadh, ar tarraingt siar í sin nach sáróidh 5 % de mhéid an táirgthe arna mhargú de chuid gach eagraíochta táirgeoirí, agus ina ndéanfar iad a dhiúscairt:

- (a) trína ndáileadh saor in aisce ar eagraíochtaí agus fondúireachtaí carthanúla, arna bhformheas chuige sin ag na Ballstáit, lena n-úsáid ina ngníomhaíochtaí le cabhrú le daoine a aithnítear sa dlí náisiúnta go bhfuil siad i dteideal cúnamh poiblí a fháil, go háirithe toisc nach bhfuil an chóir mhaireachtála riachtanach acu; nó
- (b) trína ndáileadh saor in aisce ar aon cheann díobh seo a leanas: ar fhorais phionóis, ar scoileanna, ar na forais dá dtagraítear in Airteagal 22, ar champaí saoire leanaí, le hospidéal agus árais seanóirí arna n-ainmniú ag na Ballstáit, a dhéanfaidh na bearta ar fad is gá lena áirithiú i gcás na gcainníochtaí a dháiltear gur cainníochtaí sa bhreis iad ar na cainníochtaí a dhéanann na forais sin a cheannach isteach de ghnáth.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeacht orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 (IO L 189, 20.7.2007, lch. 1).

*Airteagal 35***Cúnamh airgeadais náisiúnta**

1. I réigiúin na mBallstát nach bhfuil na táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí eagraithe iontu ach ar éigin, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena n-údarófar do na Ballstáit, ar iarraidh chuí-reasúnaithe uathu, cúnamh airgeadais náisiúnta a íoc le heagraíochtaí táirgeoirí arb ionann é agus 80 % ar a mhéid de na ranníocaíochtaí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 32(1). Beidh an cúnamh seo sa bhreis ar an gciste oibriúcháin.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

2. I réigiúin na mBallstát ina gcuireann eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus na grúpaí táirgeoirí dá dtagraítear in Airteagal 27 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 níos lú ná 15 % de luach an táirgthe torthaí agus glasraí na réigiún sin ar an margadh agus inarb ionann a dtáirgeadh torthaí agus glasraí agus 15 % ar a laghad d'aschur iomlán talmhaíochta na réigiún sin, féadfaidh an tAontas an cúnamh airgeadais náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a aisíoc arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaimeann.

Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis an aisíocaíocht sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

*Airteagal 36***Creat náisiúnta agus straitéis náisiúnta i gcomhair clár oibriúcháin**

1. Déanfaidh na Ballstáit creat náisiúnta a bhunú chun coinníollacha ginearálta a tharraingt suas ina mbeidh na bearta comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 33(5). Sa chreat sin forálfar, go háirithe, go gcomhlíonfaidh na bearta sin na ceanglais iomchuí i Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, go háirithe iad siúd a leagtar amach in Airteagal 6 de.

Cuirfidh na Ballstáit a gcreat beartaithe faoi bhráid an Choimisiúin, a fhéadfaidh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) a chur i bhfeidhm, modhnuithe a éileamh laistigh de thrí mhí ón dáta a dtíolacfar an creat beartaithe má chinneann sé nach gcuirfeadh an togra leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 191 CFAE agus sa seachtú clár beart comhshaoil de chuid an Aontais a bhaint amach. Déanfaidh infheistíochtaí ar ghabháiltais indibhidiúla a bhfuil tacaíocht ó chlár oibriúcháin acu na cuspóirí sin a urramú freisin.

2. Bunóidh gach Ballstát straitéis náisiúnta i gcomhair clár oibriúcháin inbhuanaithe i margadh na dtorthaí agus na nglasraí. Beidh an méid seo a leanas ar áireamh sa straitéis sin:

- (a) anailís ar an staid ina bhfuil cúrsaí ó thaobh láidreachtaí agus laigí agus ó thaobh acmhainneachta forbartha;
- (b) fírinneú maidir leis na tosaíochtaí a roghnaíodh;

(c) cuspóirí na gclár oibriúcháin agus ionstraimí, mar aon le táscairí feidhmíochta;

(d) measúnú ar chlár oibriúcháin;

(e) oibleagáidí tuairiscithe i gcomhair eagraíochtaí táirgeoirí.

Lena chois sin déanfaidh an straitéis náisiúnta an creat náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 a chomhtháthú.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ná ag mír 2 maidir leis na Ballstáit nach bhfuil aon eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí iontu.

*Airteagal 37***Cumhachtaí tarmiligthe**

D'fhonn tacaíocht éifeachtúil, spriocdhírthe agus inbhuanaithe a áirithiú d'eagraíochtaí táirgeoirí agus dá gcomhlachais in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmiligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 chun rialacha a bhunú maidir leis an méid seo a leanas:

(a) cistí oibriúcháin agus clár oibriúcháin, maidir leis an méid seo a leanas:

(i) na méideanna a mheastar, cinntí na n-eagraíochtaí táirgeoirí agus a gcomhlachas maidir le ranníocaíochtaí airgeadais agus úsáid na gcistí oibríochtúla;

(ii) na bearta, na gníomhaíochtaí, an caiteachas agus na costais riaracháin agus pearsanra atá le cur san áireamh nó le heisiamh faoi chlár oibriúcháin, modhnú na gclár agus na riachtanais bhreise a bheidh le cinneadh ag na Ballstáit;

(iii) cistiú dúbláilte idir clár oibriúcháin agus clár forbartha tuaithe a sheachaint;

(iv) clár oibriúcháin comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí;

(v) na rialacha sonracha is infheidhme i gcásanna ina bhfuil clár oibriúcháin nó cuid de chlár oibriúcháin á bhainistiú, á phróiseáil, á chur chun feidhme agus á thíolacadh ag comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí;

(vi) an oibleagáid atá ann i leith comhtháscairí a úsáid chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chlár oibriúcháin;

(b) an creat náisiúnta agus an straitéis náisiúnta le haghaidh clár oibriúcháin a bhaineann leis an oibleagáid chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na creatáí náisiúnta agus na straitéisí náisiúnta;

(c) cúnadh airgeadais ón Aontas, maidir leis an méid seo a leanas:

- (i) an bonn ar a ríomhfar cúnadh airgeadais ón Aontas agus luach an táirgthe arna mhargú dá dtagraítear in Airteagal 34(2);
- (ii) tréimhsí tagartha is infheidhme maidir le ríomh na cabhrach;
- (iii) réamhíocaíochtaí a sholáthar agus an ceanglas chun urrús a thaisceadh i gcás ina ndéantar réamhíocaíocht cabhrach;
- (iv) na rialacha sonracha is infheidhme maidir le clár oibriúcháin chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a mhaoiniú, go háirithe na rialacha sin a bhaineann leis na teorainneacha dá bhforáiltear in Airteagal 34(2) a chur i bhfeidhm;

(d) bearta chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú, maidir leis an méid seo a leanas:

- (i) go bhféadfadh na Ballstáit a chinneadh gan ceann amháin nó níos mó de na bearta chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú a chur i bhfeidhm;
- (ii) na coinníollacha a bhaineann le pointe (a), le pointe (b) agus le pointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 33(3);
- (iii) cinn scríbe ceadaithe a bheidh le cinneadh ag na Ballstáit i leith táirgí aistarraingthe;
- (iv) an t-uasleibhéal tacaíochta do tháirgí a tarraingíodh siar ón margadh;
- (v) an ceanglas maidir le fógra a thabhairt roimh ré i gcás táirgí a tarraingíodh siar ón margadh;
- (vi) bunús an ríomha a dhéantar ar mhéid an táirgthe arna mhargú lena leithdháileadh saor in aisce dá dtagraítear in Airteagal 34(4) agus uasmhéid an táirgthe arna mhargú a chinneadh i gcás táirgí a tarraingíodh siar;
- (vii) an ceanglas chun suaitheantas an Aontais a thaispeáint ar phacáistí táirgí atá le dáileadh saor in aisce;
- (viii) na coinníollacha d'fhaignteoirí táirgí a tarraingíodh siar;
- (ix) úsáid na dtéarmaí chun críocha na Roinne seo;
- (x) na coinníollacha, a bheidh le glacadh ag na Ballstáit, i ndáil leis an nglasbhuinte agus leis an ngan bhuinte;
- (xi) árachas buainte;
- (xii) cistí frithpháirteacha; agus
- (xiii) na coinníollacha a bhaineann le huasteorainneacha don chaiteachas maidir le athphlandú úllord ar chúiseanna sláinte/ nó fiteashláintíochta i gcomhréir le pointe (e) den chéad fhomhír d'Airteagal 33(3), agus na coinníollacha maidir leis na huasteorainneacha sin a shocrú;

(e) cúnadh airgeadais náisiúnta, maidir leis an méid seo a leanas:

- (i) leibhéal eagrúcháin na dtáirgeoirí;
- (ii) an ceanglas maidir le hurrús a thaisceadh i gcás ina ndéantar réamhíocaíocht;
- (iii) an t-uaschion aisíocaíochta ón Aontas den chúnadh airgeadais náisiúnta.

Airteagal 38

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos bearta maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) bainistiú na gclár oibriúcháin;
- (b) an fhaisnéis atá le coinneáil i gclár oibriúcháin, i gcreata náisiúnta agus i straitéisí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 36, clár oibriúcháin a chur faoi bhráid na mBallstát, sprioc-amanna, doiciméid tionlacain agus formheas ó na Ballstáit;
- (c) clár oibriúcháin a bheith á gcur chun feidhme ag eagraíochtaí táirgeoirí agus ag comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí;
- (d) formáid agus ábhar na dtuarascálacha faireacháin agus meastóireachta ar straitéisí náisiúnta agus ar chláir oibriúcháin agus iad a chur isteach;
- (e) iarratais ar chabhair agus íocaíochtaí cabhrach, lena n-áirítear réamhíocaíochtaí agus íocaíochtaí páirteacha cabhrach;
- (f) socruithe praiticiúla chun suaitheantas an Aontais a thaispeáint ar phacáistí táirgí atá le dáileadh saor in aisce;
- (g) urramú na gcaighdeán margaíochta i gcás táirgí a tarraingíodh siar;
- (h) costais iompair, sórtála agus pacáistithe i gcás go ndéanfar dáileadh saor in aisce;
- (i) bearta cur chun cinn, cumarsáide agus oiliúna i gcás chosc agus bhainistiú géarchéimeanna;
- (j) oibríochtaí tarraingthe siar, bearta glasbhuinte, bearta gan bhuinte agus bearta árachais bhuinte a chur chun feidhme;
- (k) an cúnadh airgeadais náisiúnta a chur i bhfeidhm, a údarú, a íoc agus a aisíoc;
- (l) nósanna imeachta le haghaidh slándála, agus méid na slándála atá le taisceadh i gcás ina ndéantar réamhíocaíocht.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Roinn 4

Cláir thacaíochta in earnáil an fhíona

Foroinn 1

Forálacha ginearálta agus bearta incháilithe*Airteagal 39***Raon Feidhme**

Sa Roinn seo, leagtar síos na rialacha a rialaíonn leithdháileadh chistí an Aontais ar Bhallstáit agus úsáid na gcistí sin ag Ballstáit trí chláir náisiúnta thacaíochta cúig bliana ("cláir thacaíochta") chun bearta sonracha tacaíochta a mhaoiniú chun cabhrú le hearnáil an fhíona.

*Airteagal 40***Comhoiriúnacht agus comhsheasmhacht**

1. Luífidh na cláir thacaíochta le dlí an Aontais agus beidh siad comhsheasmhach le gníomhaíochtaí, beartais agus tosaíochtaí an Aontais.

2. Beidh na Ballstáit féin freagrach as cláir thacaíochta agus áiritheoidh siad go bhfuil siad comhsheasmhach iontu féin agus go ndrúchtófar iad agus go gcuirfear chun feidhme iad ar bhealach oibiachtúil, ag cur san áireamh staid eacnamaíoch na dtáirgeoirí lena mbaineann agus an gá atá ann gan caitheamh go míchothrom le táirgeoirí éagsúla mura bhfuil údar leis.

3. Ní dheonófar aon tacaíocht maidir leis an méid seo a leanas:

(a) tionscadail taighde agus bearta chun tacú le tionscadail taighde seachas na tionscadail dá dtagraítear i bpointe (d) agus i bpointe (e) d'Airteagal 45(2);

(b) bearta atá ina gcuid de chláir forbartha tuaithe na mBallstáit faoi Rialachán (CE) Uimh. 1305/2013

*Airteagal 41***Cláir thacaíochta a thíolacadh**

1. Cuirfidh gach Ballstát ar táirgeoir é agus a liostaítear in Iarscríbhinn VI dréachtchlár tacaíochta cúig bliana faoi bhráid an Choimisiúin ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na bearta incháilithe a leagtar amach in Airteagal 38.

2. Déanfar dréachtchlár tacaíochta na gclár tacaíochta a tharraingt suas ar an leibhéal geografach is iomchuí dar leis na Ballstáit. Rachaidh an Ballstát i gcomhairle leis na húdaráis inniúla agus leis na heagraíochtaí ag an leibhéal críochach iomchuí maidir leis an dréachtchlár tacaíochta sula gcuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin é.

3. Tíolacfaidh gach Ballstát dréachtchlár tacaíochta amháin agus féadfaidh an clár tréithe réigiúnacha ar leith a chur san áireamh.

4. Beidh na cláir thacaíochta infheidhme trí mhí tar éis don dréachtchlár a bheith tíolactha don Choimisiún.

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha chur chun feidhme a ghlacadh lena suítear nach gcomhlíonann an clár tacaíochta a tíolacadh na rialacha atá leagtha síos sa Roinn seo agus féadfaidh sé an Ballstát a chur ar an eolas ina leith sin. I gcás den sórt sin, cuirfidh an Ballstát dréachtchlár tacaíochta athbhreithnithe faoi bhráid an Choimisiúin. Beidh an clár tacaíochta athbhreithnithe infheidhme dhá mhí tar éis a thíolactha mura bhfuil neamhlúí fós ann agus sa chás sin beidh feidhm ag an bhfómhír seo.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) a chur i bhfeidhm.

5. Beidh feidhm ag mír 4 mutatis mutandis maidir le hathruithe ar na cláir thacaíochta is infheidhme a thíolacfaidh na Ballstáit.

*Airteagal 42***Ábhar na gclár tacaíochta**

Beidh na gnéithe seo a leanas ar a laghad i gcláir thacaíochta:

(a) tuairisc mhionsonraithe ar na bearta a bheartaítear chomh maith lena gcuspóirí cainníochtaithe;

(b) torthaí na gcomhairliúcháin a tharla;

(c) breithmheas a léiríonn an tionchar teicniúil, eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta a bhfuiltear ag súil leis;

(d) sceideal maidir leis na bearta a chur chun feidhme;

(e) tábla ginearálta um maoiniú a léiríonn na hacmhainní atá le húsáid agus leithdháileadh tásach na n-acmhainní dá bhforáiltear i measc na mbeart i gcomhréir le huasteorainneacha búiséadacha dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VI;

(f) na critéir agus na táscairí cainníochtúla atá le húsáid chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh chomh maith leis na bearta arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfear na cláir thacaíochta chun feidhme go hiomchuí agus go héifeachtach; agus

(g) ainmniú na n-údarás inniúil agus na gcomhlachtaí a bheidh freagrach as cur chun feidhme an chláir thacaíochta.

*Airteagal 43***Bearta incháilithe**

Ní fhéadfaidh ach ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas a bheith sna cláir thacaíochta:

(a) cur chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 45;

(b) athstruchtúrú agus athchóiriú fíonghort i gcomhréir le hAirteagal 46;

(c) glasbhuint i gcomhréir le hAirteagal 47;

- (d) cistí frithpháirteacha i gcomhréir le hAirteagal 48;
- (e) árachas buainte i gcomhréir le hAirteagal 49;
- (f) infheistíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 50;
- (g) nuáil in earnáil an fhíona i gcomhréir le hAirteagal 51;
- (h) driogadh fotháirgí i gcomhréir le hAirteagal 52.

Airteagal 44

Rialacha ginearálta maidir le cláir thacaíochta

1. Leithdháilfear na cistí atá ar fáil ón Aontas laistigh de na teorainneacha fioscacha dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VI.
2. Ní dheonófar tacaíocht ón Aontas ach do chaiteachas incháilithe arna thabhtú tar éis thíolacadh an dréachtchláir tacaíochta ábhartha.
3. Ní rannchuideoidh na Ballstáit le costais na mbearta arna maoiniú ag an Aontas faoi na cláir thacaíochta.

Foroinn 2

Bearta sonracha tacaíochta

Airteagal 45

Cur chun cinn

1. Cumhdóidh tacaíocht faoin Airteagal seo bearta faisnéise nó bearta cur chun cinn maidir le fíonta de chuid an Aontais:
 - (a) sna Ballstáit, d'fhonn tomhaltóirí a chur ar an eolas maidir le fíon a thomhailt ar bhealach freagrach agus maidir le córais an Aontais lena gcumhdaítear sonrúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha; nó
 - (b) i dtríú tíortha, agus ar an gcaoi sin ag féachaint lena n-iomaíochas a fheabhsú.
2. Beidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 maidir le fíonta a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásca geografach faoi chosaint acu nó fíonta a bhfuil tásca faoin gcineál fíonchaor acu agus ní áireofar sna bearta sin ach ceann amháin de na nithe seo a leanas:
 - (a) bearta caidrimh phoiblí, bearta cur chun cinn nó bearta fógraíochta, go háirithe bearta a leagann béim ar na hardchaighdeáin a bhaineann le táirgí an Aontais, go háirithe ó thaobh cáilíochta agus sábháilteachta bia de nó ó thaobh an chomhshaoil de;
 - (b) páirt a ghlacadh in imeachtaí, in aontaí nó i dtaispeántais a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint leo;
 - (c) feachtais faisnéise, go háirithe faoi chórais de chuid an Aontais lena gcumhdaítear sonrúcháin tionscnaimh, tásca geografacha agus táirgeadh orgánach;

(d) staidéir ar mhargaí nua, atá riachtanach chun asraonta margaidh a leathnú;

(e) staidéir chun meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí na mbearta faisnéise agus na mbearta cur chun cinn.

3. Ní sháróidh ranníocaíocht an Aontais do bhearta faisnéise nó cur chun cinn dá dtagraítear i mír 1, 50 % den chaiteachas incháilithe.

Airteagal 46

Athstruchtúráil agus athchóiriú fíonghort

1. Is é an cuspóir a bheidh ag bearta a bhaineann le hathstruchtúráil agus le hathchóiriú fíonghort cur le hiomaíochas táirgeoirí fíona.

2. Tabharfar tacaíocht d'athstruchtúráil agus d'athchóiriú fíonghort má thíolacann na Ballstáit fardal a gcumais táirgthe i gcomhréir le hAirteagal 145(3).

3. Tacaíocht i gcomhair athstruchtúráil agus athchóiriú fíonghort, ar tacaíocht é a d'fhéadfadh córais inbhuanaithe táirgthe a fheabhsú agus lorg earnáil an fhíona ar an gcumhshaoil a laghdú, ní fhéadfaidh an tacaíocht sin ach ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas a chumhdach:

(a) athchóiriú cineálacha, lena n-áirítear athchóiriú trí bheangú;

(b) athlonnú fíonghort;

(c) athphlandú fíonghort más gá sin tar éis grafa éigeantaigh ar chúiseanna sláinte nó fiteashláintíochta, ar threoir a fháil chuige sin ó údarás inniúil an Bhallstáit;

(d) teicnící bainistithe fíonghort a fheabhsú, go háirithe ardchórais táirgthe inbhuanaithe a thabhairt isteach.

Ní thabharfar aon tacaíocht maidir le gnáth-athnuachan fíonghort, is é sin le rá, athphlandáil na dáileachta talún céanna leis an gcineál fíonchaoire céanna i gcomhréir leis an gcóras céanna saothraithe fíniúna, nuair atá deireadh tagtha le saolré nádúrtha na bhfíniúnacha.

Féadfaidh na Ballstáit tuilleadh sonraíochtaí a leagan síos, go háirithe maidir le haois na bhfíonghort a gcuirfear fíonghoirt nua ina n-áit.

4. Ní fhéadfar tacaíocht a thabhairt i gcomhair athstruchtúráil agus athchóiriú fíonghort, lena n-áirítear teicnící bainistithe fíonghort a fheabhsú, ach amháin ar na bealaí seo a leanas:

(a) cúiteamh a thabhairt do na táirgeoirí maidir le cailteanas ioncaim de bharr chur chun feidhme an bhirt;

(b) ranníocaíocht a dhéanamh i leith chostais an athstruchtúraithe agus an athchóirithe.

5. Féadfaidh an cúiteamh do tháirgeoirí de bharr cailteanais ioncaim dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 4 suas le 100 % den chaillteanas ábhartha a chumhdach agus féadfar é a dhéanamh ar cheann amháin de na bealaí seo a leanas:

(a) d'ainneoin Fhoroinn II de Roinn IVa de Chaibidil III de Theideal I de Chuid II de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 lena leagtar amach an córas idirthréimhseach do chearta um plandú, cead finíúnacha nua agus seanfhíniúnacha a fhás le chéile go dtí go mbeidh deireadh leis an gcóras idirthréimhseach ar feadh tréimhse uasta nach sáróidh trí bliana;

(b) cúiteamh airgeadais.

6. Ní sháróidh ranníocaíocht an Aontais i leith na gcostas iarbhir le haghaidh athstruchtúir agus athchóiriú fionghort 50 %. I réigiúin lagfhorbartha, ní sháróidh ranníocaíocht an Aontais i leith chostais an athstruchtúir agus an athchóirithe 75 %.

Airteagal 47

Glasbhuint

1. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn "glasbhuint" scriosadh iomlán nó asbhaint triopall fionchaor fad is atá siad fós neamhaibí, ar an mbealach sin ag scriosadh tháirgeacht iomlán an limistéir sin.

Ní fhéachfar ar fhíonchaora tráchtála a bhfágfar ar na plandaí ag deireadh an ghnáth-thimthrialla táirgthe (gan bhaint) mar ghlabhuint.

2. Cuideoidh an tacaíocht a thabharfar i gcomhair glabhuinte le hathchothromú a dhéanamh ar sholáthar agus ar éileamh i margadh fíona an Aontais chun géarchéimeanna sa mhargadh a chosc.

3. Féadfar tacaíocht a thabhairt i gcomhair glabhuinte mar chúiteamh i bhfoirm íocaíochta ar ráta comhréidh in aghaidh an heicteáir atá le cinneadh ag an mBallstát lena mbaineann. Ní sháróidh an íocaíocht sin 50 % de shuim na gcostas díreach maidir le scriosadh nó baint na dtriopall fionchaor agus an chaillteanais ioncaim de bharr an scriosta nó na bainte sin.

4. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann córas ar bun a bheidh bunaithe ar chritéir oibiachtúla lena áirithiú nach dtabharfar cúiteamh níos airde ná an uasteorainn a leagtar síos i mír 3 do tháirgeoirí aonair fíona de thoradh an bhirt maidir le glabhuint.

Airteagal 48

Cistí frithpháirteacha

1. Cuirfidh an tacaíocht i gcomhair bunú cistí frithpháirteacha cúnaimh ar fáil do tháirgeoirí ar mian leo árachas a fháil dóibh féin i gcoinne luaineachta margaidh.

2. Féadfar tacaíocht i gcomhair bunú cistí frithpháirteacha a dheonú i bhfoirm cabhrach sealadaí agus cabhrach ar bhonn céimlaghdaitheach chun costais riaracháin na gcistí a chumhdach.

Airteagal 49

Árachas buainte

1. Cabhróidh tacaíocht i gcomhair árachais buainte le hioncam táirgeoirí a chosaint nuair a bhíonn cailteanais de dheasca tubaistí nádúrtha, teagmhas díobhálach aeráide, galair nó inmhiólú lotnaidí.

Éileofar le conarthaí árachais go gcuirfidh tairbhithe na bearta is gá i bhfeidhm maidir le riosca a chosc.

2. Féadfar tacaíocht a dheonú i gcomhair árachais buainte i bhfoirm ranníocaíochta airgeadais ón Aontas nach mbeidh níos airde ná:

(a) 80 % de chostas na bpréimheanna árachais íochta ag na táirgeoirí i gcomhair árachais in aghaidh cailteanais de bharr teagmhas díobhálach aeráide atá inchurtha le tubaistí nádúrtha;

(b) 50 % de chostas na bpréimheanna árachais íochta ag na táirgeoirí i gcomhair árachais:

(i) in aghaidh cailteanais dá dtagraítear i bpointe (a) agus in aghaidh cailteanais eile de bharr drochaimsire;

(ii) in aghaidh cailteanais de bharr ainmhithe, galar plandaí nó inmhiólú lotnaidí.

3. Féadfar tacaíocht a dheonú i gcomhair árachais buainte mura dtugann na híocaíochtaí árachais cúiteamh do tháirgeoirí i gcomhair breis agus 100 % den chaillteanais ioncaim arna fhulaingt, ag cur san áireamh aon chúitimh a d'fhéadfadh a bheith faighte ag na táirgeoirí ó scéimeanna tacaíochta eile a bhaineann leis an riosca a bhfuarthas árachas ina aghaidh.

4. Ní dhéanfaidh tacaíocht i gcomhair árachais buainte saobhadh ar iomaíocht sa mhargadh árachais.

Airteagal 50

Infheistíochtaí

1. Féadfar tacaíocht a dheonú i gcomhair infheistíochtaí inláimhsithe agus doláimhsithe i saoráidí próiseála, i mbonneagar fionghort agus i struchtúir agus in uirlisí margaíochta. Beidh na hinfeistíochtaí sin beartaithe chun feabhas a chur ar fheidhmíocht fhoriomlán an fhiontair agus lena oiriúnú don éileamh ar an margadh, agus cur lena chumas iomaíochta, agus bainfidh siad le táirgeadh nó le margaíocht táirgí finíúna dá dtagraítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VI, lena n-áirítear d'fhonn coigiltis fhuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh ar fud an domhain a fheabhsú agus d'fhonn próisis inbhuanaithe a fheabhsú freisin.

2. Maidir le tacaíocht faoi mhír 1 ag an ráta is airde:

(a) ní bheidh feidhm aici ach amháin maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga nó fiontair mheánmhéide de réir bhri Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún ⁽¹⁾

⁽¹⁾ Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir leis an sainmhíniú ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

(b) lena chois sin, féadfaidh feidhm a bheith aici maidir le gach fiontar i gcás na réigiún is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE agus na n-oileán beag Aeigéach de réir mar atá sainithe in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.

Ní thabharfar ach leath den dhlús uasta cabhrach i gcás fiontar nach gcumhdaítear ag Airteagal 2(1) de Theideal I den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE a bhfuil níos lú ná 750 fostaí acu nó a bhfuil láimhdeachas níos lú ná EUR 200 milliún acu.

Ní dheonófar cabhair d'fhiontair atá i gcrúachas de réir bhrí threoirilínte an Chomhphobail faoi Státchabhair chun teacht i gcabhair ar ghnólachtaí atá i gcrúachas agus athstruchtúrú a dhéanamh orthu ⁽²⁾.

3. Ní áireofar sa chaiteachas incháilithe na costais nach bhfuil incháilithe dá dtagraítear in 'Airteagal 59(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

4. Beidh feidhm ag na rátaí uasta cabhrach seo a leanas maidir le ranníocaíocht an Aontais do na costais infheistíochta incháilithe:

- (a) 50 % i réigiúin lagfhorbartha;
- (b) 40 % i réigiúin eile seachas réigiúin lagfhorbartha;
- (c) 75 % sna réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE;
- (d) 65 % sna hoileáin Aeigéacha bheaga mar atá sainithe in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 229/2013.

5. Beidh feidhm ag Airteagal 71 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 mutatis mutandis maidir leis an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Airteagal 51

Nuáil in earnáil an fhíonar

Féadfar tacaíocht a dheonú d'infheistíochtaí inláimsithe nó doláimhsithe atá dírithe ar tháirgí nua, próisis nua agus teicneolaíochtaí nua a fhorbairt maidir leis na táirgí dá dtagraítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII. Beidh sé beartaithe leis an tacaíocht indíoltacht agus iomaíochas thairgí finíúna an Aontais a fheabhas agus féadfaidh aistriú eolais bheith san áireamh ann. Beidh na huasrátaí cabhrach maidir le ranníocaíocht an Aontais ton tacaíocht arna sholáthar faoin Airteagal seo mar an gcéanna leo siúd a leagtar amach in Airteagal 508(4).

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán beag Aeigéach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1405/2006 ón gComhairle (IO L 78, 20.3.2013, lch. 41).

⁽²⁾ IO C 244, 1.10.2004, lch. 2.

Airteagal 52

Driogadh fotháirgí

1. Féadfar tacaíocht a dheonú i gcomhair driogadh deonach nó éigeantach fotháirgí fiona arna dhéanamh i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos i Roinn D de Chuid II d'Iarscríbhinn VIII.

Déanfar méid na cabhrach a shocrú de réir % de thoirt agus in aghaidh an heictilítir alcóil arna tháirgeadh. Ní dheonfar aon chabhair i gcomhair mhéid an alcóil sna fotháirgí atá le driogadh atá níos mó ná 10 % de mhéid an alcóil atá san fhíon arna tháirgeadh

2. Íocfar an chabhair le driogairí a phróiseálann fotháirgí na fíonóireachta a sheachadtar chun iad a dhriogadh ina n-alcól amh ag a bhfuil cion alcóil de 92 % toirte ar a laghad.

Féadfaidh na Ballstáit deonú na tacaíochta a dhéanamh coinníollach ar go ndéanfadh an tairbhí urrús a thaisceadh.

3. Socróidh an Coimisiún na leibhéil uasta atá infheidhme i gcomhair cabhrach trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 54 agus beidh siad bunaithe ar chostais bhailithe agus phróiseála.

4. Áireoidh an chabhair ábhartha cnapshuim lena gcúiteofar na costais a bhaineann le fotháirgí na fíonóireachta a bhailiú. Déanfar an méid sin a aistriú ón driogaire chuig an táirgeoir, i gcás gurb é an táirgeoir a chlúdaíonn na costais ábhartha sin.

5. Úsáidfean an t-alcól a thagann ón driogadh a fhaigheann tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 le haghaidh cuspóirí tionsclaíochta nó fuinnimh agus chucu sin amháin chun saobhadh na hiomaíochta a sheachaint.

Foroinn 3

Forálacha nós imeachta

Airteagal 53

Cumhachtaí tarmligthe

D'fhonn a áirithiú go mbainfidh cláir thacaíochta na mBallstát in earnáil an fhíona a gcuspóirí amach agus go n-úsáidfean cistí de chuid an Aontais ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 chun an méid seo a leanas a bhunú:

- (a) rialacha maidir leis an bhfreagracht as caiteachas idir an dáta a bhfaigheann an Coimisiún na cláir thacaíochta agus ar a ndéantar leasuithe ar na cláir agus dáta a n-infheidhmeachta;
- (b) rialacha maidir le hábhar na gclár tacaíochta agus maidir leis an gcaiteachas, na costais riaracháin agus pearsanra agus na hoibríochtaí a fhéadfar a áireamh i gcláir thacaíochta na mBallstát agus na coinníollacha faoina bhféadfar íocaíochtaí a dhéanamh trí idirghabhálaithe i gcás na tacaíochta d'árachas buainte dá bhforáiltear in Airteagal 49 agus an deis atá ann íocaíochtaí a dhéanamh ar an mbealach sin;

- (c) rialacha maidir leis an gceanglas chun urrús a thaisceadh i gcás ina ndéantar réamhíocaíocht;
- (d) rialacha maidir le húsáid na dtéarmaí chun críocha na Roinne seo;
- (e) rialacha maidir le huasteorainneacha a shocrú don chaiteachas ar athphlandú fíonghort ar chúiseanna sláintenó fíteashláintíochta i gcomhréir le pointe (c) den chéad fómhír d'Airteagal 46(3);
- (f) rialacha maidir le cistiú dúbailte idir na gnéithe seo a leanas a sheachaint:
- (i) oibríochtaí difriúla chlár tacaíochta Ballstáit in earnáil an fhíona, agus
- (ii) clár tacaíochta Ballstáit in earnáil an fhíona agus clár fhorbartha tuaithe nó cláir chur chun cinn an Bhallstáit;
- (g) rialacha faoina bhfuil táirgeoirí le fotháirgí na fíonóireachta a aistarraingt, agus eisceachtaí ón oibleagáid sin chun ualach breise riaracháin a sheachaint agus rialacha maidir le deimhniúchán deonach na ndriogairí;
- (h) rialacha lena gceadaítear do na Ballstáit coinníollacha a chur ar bun chun bearta tacaíochta ina gcláir a chur ag feidhmiú ar bhealach cuí.

Airteagal 54

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos bearta maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) tíolacadh na gclár tacaíochta, an phleanáil airgeadais chomhfhreagrach agus athbhreithniú ar chlár thacaíochta;
- (b) nósanna imeachta cur i bhfeidhm, roghnúcháin agus íocaíochta;
- (c) tíolacadh, formáid agus ábhar thuarascálacha agus mheastóireachtaí chlár thacaíochta na mBallstát;
- (d) rátaí na cabhrach le haghaidh na glasbhuinte agus dhriogadh na bhfotháirgí a bheith á socrú ag na Ballstát;
- (e) bainistiú airgeadais agus forálacha a bhaineann leis na bearta tacaíochta a bheith á gcur i bhfeidhm ag na Ballstát;
- (f) nósanna imeachta le haghaidh slándála, agus méid na slándála atá le taisceadh i gcás ina ndéantar réamhíocaíocht.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Roinn 5

Cabhair in earnáil na beachadóireachta

Airteagal 55

Cláir náisiúnta agus maoiniú

1. Chun feabhas a chur ar dhálaí ginearálta maidir le táirgeadh agus margú táirgí beachadóireachta, féadfaidh na Ballstáit cláir náisiúnta d'earnáil na beachadóireachta a tharraingt suas lena gcumhdófar tréimhse trí bliana ('cláir bheachadóireachta'). Forbrófar na cláir sin i gcomhar le heagraíochtaí ionadaíochta i réimse na beachadóireachta.

2. Beidh ranníocaíocht an Aontais i leith na gclár beachadóireachta comhionann le 50 % den chaiteachas a luífidh ar na Ballstáit do na cláir sin, arna bhformheas i gcomhréir le pointe (c) den chéad fómhír d'Airteagal 57.

3. Chun a bheith incháilithe i gcomhair na ranníocaíochta ón Aontas dá bhforáiltear i mír 2, déanfaidh na Ballstáit staidéar ar an struchtúr táirgthe agus margaíochta in earnáil na beachadóireachta ina gcríocha féin.

4. Féadtar na bearta seo a leanas a áireamh i gcláir bheachadóireachta:

- (a) cúnaimh teicniúil do bheachairí agus do ghrúpaí beachairí;
- (b) ionróirí coirceog beach agus galair sna coirceoga beach a chomhrac, go háirithe an varróis;
- (c) cuíchóiriú buailteachais;
- (d) bearta chun tacú le saotharlanna chun anailís a dhéanamh ar tháirgí beachadóireachta chun cuidiú le beachairí a gcuid táirgí a chur ar an margadh agus cur le luach na dtáirgí sin;
- (e) bearta le tacú le hathstocáil coirceog san Aontas;
- (f) comhoibriú le comhlachtaí speisialaithe maidir le cur chun feidhme na gclár taighde feidhmeach i réimse na beachadóireachta agus na dtáirgí beachadóireachta;
- (g) faireachán ar an margadh;
- (h) cur le cáilíocht na dtáirgí chun an leas is mó is féidir a bhaint as na táirgí atá ar an margadh.

Airteagal 56

Cumhachtaí tarmligthe

1. D'fhonn a áirithiú go n-úsáidfear cistí an Aontais ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil i gcomhair na beachadóireachta, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) cistiú dúbailte idir cláir bheachadóireachta na mBallstát agus cláir forbartha tuaithe a sheachaint;

(b) bunús leithdháileadh ranníocaíocht an Aontais ar gach Ballstát rannpháirteach bunaithe ar, inter alia, líon iomlán na gcoirceog beach san Aontas.

2. Chun a áirithiú go gcuirfeadh scéim cabhrach an Aontais in oiriúint do na forbairtí is déanaí agus go mbeidh na bearta a chlúdófar éifeachtach ó thaobh feabhas a chur ar na coinníollacha ginearálta do tháirgeadh agus margú táirgí beachadóireachta, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena dtabharfar cothrom le dáta na bearta dá dtagraítear in Airteagal 55(4) ar féidir a áireamh i gclár bheachadóireachta na mBallstát, trí bhearta eile a chur leo nó trí na bearta sin a oiriúint ach gan aon cheann acu a scriosadh. Agus na bearta sin á dtabhairt cothrom le dáta, ní bheidh aon tionchar ar na clár náisiúnta a glacadh sular tháinig an gníomh tarmligthe i bhfeidhm.

Airteagal 57

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na bearta atá riachtanach chun an Roinn seo a chur i bhfeidhm maidir leis an méid a leanas:

- (a) ábhar na gclár náisiúnta agus na staidéar a dhéanfaidh na Ballstáit maidir le struchtúr táirgthe agus margáíochta a n-earnálacha beachaireachta;
- (b) an nós imeachta maidir le cistí nár úsáideadh a ath-leithdháileadh;
- (c) na clár bheachadóireachta atá curtha isteach ag na Ballstáit a fhorghnó, lena n-áirítear leithdháileadh ranníocaíocht an Aontais do gach Ballstát rannpháirteach agus an leibhéal uasta cistiúcháin óna mBallstáit.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Roinn 6

Cabhair in earnáil na leannlusanna

Airteagal 58

Cabhair d'eagraíochtaí táirgeoirí

1. Deonóidh an tAontas cabhair d'eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na leannlusanna ar tugadh aitheantas dóibh i gcomhréir le hAirteagal 152 chun maoiniú a chur ar fáil d'fhonn na cuspóirí dá dtagraítear i bpointí (c)(i),(ii) nó (iii) d'Airteagal 152(1) a bhaint amach.

2. I gcás na Gearmáine, deonófar EUR 2 277 000 in aghaidh na bliana mar mhaoiniú ón Aontas don íocaíocht d'eagraíochtaí táirgeoirí dá bhforáiltear i mír 1.

Airteagal 59

Cumhachtaí tarmligthe

D'fhonn a áirithiú go maoineoidh an chabhair dá dtagraítear in Airteagal 58 an obair a bheidh ar bun chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 152 a bhaint amach, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227, maidir leis an méid seo a leanas:

(a) iarratais ar chabhair, lena n-áirítear rialacha maidir le spriodhataí agus doiciméid tionlacain;

(b) rialacha maidir le limistéir leannlusanna cháilithe agus ríomh na méideanna atá le híoc le gach eagraíocht táirgeoirí.

Airteagal 60

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na bearta uile is gá a ghlacadh chun an Roinn seo a chur i bhfeidhm i dtaca le cabhair a íoc.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

CAIBIDIL III

Scéim na n-údaruithe i gcomhair planduithe fíniúnacha

Airteagal 61

Ré

Scéim na n-údaruithe i gcomhair planduithe fíniúnacha a bunaíodh sa Chaibidil seo, beidh feidhm aici ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2030, agus déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú meántearma chun meastóireacht a dhéanamh ar oibriú na scéime agus, más iomchuí, tograí a dhéanamh.

Roinn 1

Bainistiú scéim na n-údaruithe i gcomhair planduithe fíniúnacha

Airteagal 62

Údaruithe

1. Féadfar cineálacha fíniúna coitinne arna n-aicmiú i gcomhréir le hAirteagal 81(2) a phlandú nó a athphlandú má thugtar údarú i gcomhréir le hAirteagal 64, le hAirteagal 66 agus le hAirteagal 68 faoi na coinníollacha a leagtar síos na Chaibidil seo.

2. Deonóidh na Ballstáit an t-údarú dá dtagraítear i mír 1, a chomhfhreagraíonn do limistéar sonrath arna léiriú i heicteáir, ar iarratas a chur isteach ó tháirgeoirí a chomhlíonann an sprioc agus critéir neamh-idirdhealaitheacha maidir le hincháilitheacht. Déanfar an t-údarú sin a dheonú gan táille a ghearradh ar na táirgeoirí.

3. Beidh na húdaruithe dá dtagraítear i mír 1 bailí ar feadh trí bliana ón dáta ar deonaíodh iad. Táirgeoir nach mbainfidh leas as údarú a deonaíodh le linn tréimhse bailíochta an údaraithe sin, beidh sé faoi réir pionós riaracháin mar a fhoráiltear in Airteagal 89(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

4. Ní bheidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le limistéir a phlandú nó a athphlandú, ar limistéir iad atá beartaithe chun críocha turgnamhacha nó do phlandlanna beangaithe, ná maidir le limistéir a bhfuil a gcuid fíona nó a gcuid táirgí fíniúnacha beartaithe lena gcaitheamh ag teaghlach an tsaothróra fíniúna amháin ná maidir le limistéir atá le plandú as an nua mar thoradh ar cheannach éigeantach ar mhaithe le leas an phobail a ghlacadh faoin dlí náisiúnta.

*Airteagal 63***Sásra cosanta do phlanduithe nua**

1. Cuirfidh na Ballstáit údaruithe i gcomhair planduithe nua ar fáil gach bliain a chomhfhreagraíonn do 1 % den limistéar iomlán atá plandaithe go hiarbhrí le fíniúnacha ar a gcíoch, mar a thomhaistear iad an 31 Iúil an bhliain roimhe.
2. Déanfaidh na Ballstáit:
 - (a) céatadán níos ísle a chur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta ná an céatadán atá leagtha amach i mír 1;
 - (b) teorainn a chur le húdaruithe a eisiúint ar an leibhéal réigiúnach, do limistéir shonracha atá i dteideal fíon a tháirgeadh faoi shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint, do limistéir atá i dteideal fíon a tháirgeadh faoi thásca geografach faoi chosaint, nó do limistéir gan tásca geografach.
3. Aon cheann de na teorainneacha dá dtagraítear i mhír 2, cuideoidh siad le fás ordúil phlanduithe fíniúnacha, socrófar iad ar leibhéal a bheidh os cionn 0 % agus beidh bonn cirt leo ar cheann amháin nó níos mó de na forais sonracha seo a leanas:
 - (a) chun riosca dea-léirithe de rósholáthar táirgí fíona a sheachaint maidir le hionchais don mhargadh i leith na dtáirgí sin, gan níos mó ná an méid a bhfuil gá leis a dhéanamh chun an riachtanas sin a chomhlíonadh;
 - (b) chun riosca dea-léirithe díluachála a sheachaint i gcás sonrúchán tionscnaimh áirithe faoi chosaint nó tásca geografach áirithe faoi chosaint.
4. Cuirfidh na Ballstáit in iúl go poiblí aon chinntí a ghlahtar de bhun mhír 2, agus tabharfar bonn cirt cuí leis na cinntí sin. Tabharfaidh na Ballstáit fógra láithreach don Choimisiún faoi na cinntí agus na boinn chirt sin.

*Airteagal 64***Údaruithe a dheonú i gcomhair planduithe nua**

1. Mura rachaidh méid an limistéir iomláin a chumhdaítear leis na hiarratais incháilithe i mbliain ar leith thar mhéid an limistéir a chuir an Ballstát ar fáil, glacfar leis na hiarratais sin ar fad.

Féadfaidh na Ballstáit, chun críche an Airteagail seo, ceann amháin nó níos mó de na critéir incháilitheachta, atá oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach, a chur i bhfeidhm:

 - (a) beidh limistéar talmhaíochta ag an iarratasóir nach lú é ná an limistéar a bhfuil an t-údarú á lorg aige ina leith;
 - (b) beidh scileanna gairme agus inniúlacht ghairme leordhóthanach ag an iarratasóir;
 - (c) ní baol go ndéanfar mí-leithreasú ar chluí na sonrúchán tionscnaimh faoi leith atá faoi chosaint i ngeall ar an iarratas, rud a nglactar leis mura léiríonn na húdarais phoiblí gurb ann don riosca sin;

(d) má tá bonn cirt cuí leis, ceann amháin nó níos mó de na critéir dá dtagraítear i mír 2 ar choinníoll go gcuirtear i bhfeidhm iad ar bhealach oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach.

2. Má tá méid an limistéir iomláin a chumhdaítear leis na hiarratais incháilithe dá dtagraítear i mír 1, i mbliain ar leith, thar mhéid an limistéir a chuir an Ballstát ar fáil, deonófar údaruithe, de réir dháileadh pro-rata na heicteár, do na hiarratasóirí go léir ar bhonn an limistéir a ndearna siad iarratas ar údarú ina leith. Féadfar an deonú sin a dhéanamh go páirteach nó go hiomlán de réir cheann amháin nó níos mó de na critéir thosaíochta seo a leanas, ar critéir iad atá oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach:

- (a) táirgeoirí atá ag dul i mbun na hoibre den chéad uair, agus arb iad ceann a ngabháltais iad (iontrálaithe nua);
- (b) limistéir ina rannchuidíonn fionghoirt leis an gcomhshaol a chaomhnú;
- (c) limistéir atá nua-phlandaithe i gcomhthéacs tionscadal um chomhdhlúthú talún;
- (d) limistéir a bhfuil srianta nádúrtha nó srianta sonracha eile le sárú acu
- (e) inbhuanaitheacht tionscadail forbraíochta nó athphlandaithe bunaithe ar mheastóireacht eacnamaíoch;
- (f) limistéir a bheidh le plandú as an nua agus a chuirfidh leis an iomaíochas i ngabháltas feirme agus ar an leibhéal réigiúnach;
- (g) tionscadail lena bhféadfaí feabhas a chur ar cháilíocht na dtáirgí le tásca geografacha;
- (h) limistéir a bheidh le plandú as an nua i gcomhthéacs gabháltais bheaga agus mheánmhéide a mhéadú.

3. Poibleoidh na Ballstáit na critéir dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a bheidh á gcur i bhfeidhm acu agus tabharfaidh siad fógra láithreach don Choimisiún faoi na critéir sin.

*Airteagal 65***Ról na n-eagraíochtaí gairmiúla**

Agus Airteagal 63(2) á chur i bhfeidhm aige, féadfaidh an Ballstát a chur san áireamh na moltaí a thíolaic eagraíochtaí gairmiúla aitheanta a fheidhmíonn san earnáil fíona dá dtagraítear in Airteagail 152, in Airteagal 156 agus in Airteagal 157, nó na cinn a thíolaic grúpaí táirgeoirí leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 95, nó cineálacha eile eagraíochtaí gairmiúla a n-aithnítear iad ar bhonn reachtaíocht Bhallstáit,

ar choinníoll go dtiocfaidh na páirtithe ionadaíochta ábhartha sa limistéar geografach tagartha ar chomhaontú roimh ré.

Ní bheidh feidhm ag na moltaí sin ar feadh níos mó ná trí bliana.

Airteagal 66

Athphlandú

1. Deonóidh na Ballstáit údarú go huathoibríoch do tháirgeoirí a chuireann iarratas isteach a bhfuil limistéar grafta acu ar limistéar é a bhí faoi fhíniúnacha amhail ón 1 Eanáir 2016. Beidh údarú den sórt sin ar aon dul le coibhéis an limistéir sin ó thaobh bairr iarbhír de. Ní ríomhfar na limistéir a chumhdaítear le húdaruithe den sórt sin chun críocha Airteagal 63.

2. Féadfaidh na Ballstáit údarú dá dtagraítear i mír 1 a dheonú do tháirgeoirí a thugann orthu féin limistéar a ghrafadh atá faoi fhíniúnacha má dhéantar grafadh an limistéir gheallta faoi dheireadh na ceathrú bliana ar a dhéanaí ón dáta ar cuireadh na fíniúnacha nua síos.

3. Úsáidfear an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 ar an ngabháltas céanna ar a ndearnadh an grafadh. Féadfaidh na Ballstáit, i limistéir fíona a tháirgeadh atá i dteideal sonrúcháin tionscnaimh atá faoi chosaint nó tásca geografacha atá faoi chosaint, srian a chur ar an athphlandú, bunaithe ar mholadh ó eagraíocht ghairmiúil i gcomhréir le hAirteagal 65, agus é a theorannú go fíniúnacha a bhfuil an tsonraíocht chéanna acu, maidir le sonrúcháin tionscnaimh atá faoi chosaint nó tásca geografach atá faoi chosaint, is atá ag an limistéar a grafadh.

4. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo i gcás planduithe neamhúdaraithe a ghrafadh

Airteagal 67

De minimis

1. Ní bheidh feidhm ag scéim na n-údaruithe i gcomhair planduithe fíniúnacha a bunaíodh sa Chaibidil seo sna Ballstáit sin nach raibh feidhm an 31 Nollaig 2007 ag an gcóras idirthréimhseach do chearta um plandú a bunaíodh i bhForoinn II de Roinn IVa de Chaibidil III de Theideal I de Chuid II de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007.

2. Na Ballstáit sin ina raibh feidhm ag an gcóras dá dtagraítear i mír 1 an 31 Nollaig 2007, agus nach mó ná 10 000 heicteár na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha i láthair na huair, féadfaidh siad cinneadh a dhéanamh gan scéim na n-údaruithe i gcomhair planduithe fíniúnacha a bunaíodh sa Chaibidil seo a chur chun feidhme.

Airteagal 68

Forálacha idirthréimhseacha

1. Cearta um plandú a dheonaítear do tháirgeoirí i gcomhréir le hAirteagal 85h, le hAirteagal 85i nó le hAirteagal 85k de Rialachán (CE) Uimhir 1234/2007 roimh an 31 Nollaig 2015,

nár úsáid na táirgeoirí sin agus atá fós bailí faoin dáta sin, féadfar iad a thiontú ina n-údaruithe faoin gCaibidil seo amhail ón 1 Eanáir 2016.

Tarlóidh tiontú den sórt sin arna iarraidh sin do na táirgeoirí sin roimh an 31 Nollaig 2015. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh cead a thabhairt do tháirgeoirí an iarraidh sin a chur isteach ar chearta a thiontú ina n-údaruithe go dtí an 31 Nollaig 2020.

2. Na húdaruithe a dheonaítear de bhun mhír 1, beidh an tréimhse bailíochta chéanna acu is atá ag na cearta um plandú dá dtagraítear i mír 1. Mura mbaintear leas as na húdaruithe sin, rachaidh siad in éag faoin 31 Nollaig 2018 ar a dhéanaí, nó más rud é go mbeidh an cinneadh dá dtagraítear sa dara fómhír de mhír 1 glactha ag na Ballstáit faoin 31 Nollaig 2023 ar a dhéanaí.

3. Ní ríomhfar chun críocha Airteagal 63 na limistéir a chumhdaítear le húdaruithe a dheonaítear de bhun mhír 1.

Airteagal 69

Cumhachtaí tarmlichthe

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir leis an méid a leanas:

- na coinníollacha maidir leis an díolúine dá dtagraítear in Airteagal 62(4) a chur i bhfeidhm;
- na rialacha a bhaineann leis na critéir dá dtagraítear in Airteagal 64(1) agus (2);
- critéir a chur leis na cinn atá liostaithe in Airteagal 64 (1) (2);
- fíniúnacha ar gheall an táirgeoir go ndéanfadh sé iad a ghrafadh a bheith ann taobh le fíniúnacha nua-phlandaithe de bhun Airteagal 66(2);
- an bunús atá le cinn na mBallstát faoi Airteagal 66(3).

Airteagal 70

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na bearta riachtanacha maidir leis:

- na nósanna imeachta maidir le húdaruithe a dheonú;
- na taifid le coinneáil ag na Ballstáit agus na fógraí le cur chuig an gCoimisiún.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Roinn 2

Rialú scéim na n-údaruithe i gcomhair planduithe fhíniúnacha

Airteagal 71

Planduithe neamhúdaraithe

1. Déanfaidh táirgeoirí grafadh ar a gcostas féin ar na limistéir a cuireadh faoi fhíniúnacha gan údarú.

2. Mura ndéanfaidh táirgeoirí grafadh laistigh de cheithre mhí ón dáta a fuair siad fógra faoi neamhrialtacht, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na planduithe neamh-údaraithe sin a ghrafadh laistigh de dhá bhliain tar éis dul in éag don tréimhse ceithre mhí. Gearrfar an costas ábhartha ar na táirgeoirí lena mbaineann.

3. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún faoin 1 Márta gach bliain méid iomlán na limistéar ar fionnadh gur cuireadh faoi fhíniúnacha iad gan údarú tar éis an 1 Eanáir 2016, chomh maith leis na limistéir a grafadh i gcomhréir le mír 1 agus mír 2.

4. I gcás nár chomhlíon táirgeoir na hoibleagáidí atá leagtha amach i mír 1 den Airteagal seo, beidh sé faoi réir pionóis a bheidh le leagan síos i gcomhréir le hAirteagal 64 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013

5. Ní bhainfidh limistéir ar cuireadh fhíniúnacha iontu gan údarú leas as aon bhearta tacaíochta náisiúnta nó aon bhearta tacaíochta de chuid an Aontais.

Airteagal 72

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na bearta riachtanacha lena leagtar amach na sonraí faoi riachtanais chumarsáide atá le comhlíonadh ag na mBallstáit, lena n-áirítear laghduithe a d'fhéadfaí a bheith i gceist ar uasteorainneacha buiséadacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn VI i gcás neamhchomhlíonta.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

TEIDEAL II

RIALACHA MAIDIR LE MARGAÍOCHT AGUS EAGRAÍOCHTAÍ TÁIRGEOIRÍ

CAIBIDIL I

Rialacha maidir le margáíocht

Roinn 1

Caighdeáin mhargáíochta

Foroinn 1

Forálacha tosaigh

Airteagal 73

Raon Feidhme

Gan dochar d'aon fhorálacha eile is infheidhme maidir le táirgí talmhaíochta, agus gan dochar do na forálacha a glacadh in

earnáil na tréidliachta, san earnáil fíteashláintíochta agus in earnáil an bhia lena áirithiú go gcomhlíonann táirgí caighdeáin sláinteachais agus sláinte agus chun sláinte ainmhithe, plandaí agus daoine a chosaint, leagtar síos sa Roinn seo na rialacha maidir leis na caighdeáin mhargáíochta Roinnfear na rialacha éigeantacha agus ina dtéarmaí roghnacha forchoimeáda do tháirgí talmhaíochta.

Foroinn 2

Foroinn iii caighdeáin mhargáíochta de réir earnálacha nó táirgí

Airteagal 74

Prionsabal ginearálta

Ní fhéadfar na táirgí a bhfuil caighdeáin mhargaithe de réir earnálacha nó táirgí leagtha síos ina leith i gcomhréir leis an Roinn seo a chur ar an margadh san Aontas ach má tá siad i gcomhréir leis na caighdeáin sin.

Airteagal 75

Bunú agus ábhar

1. Féadfaidh feidhm a bheith ag caighdeáin mhargáíochta maidir le ceann amháin nó níos mó de na hearnálacha agus/nó de na táirgí seo a leanas:

- (a) ola olóige agus ológa boird;
- (b) torthaí agus glasraí;
- (c) táirgí torthaí agus glasraí próiseáilte;
- (d) earnáil na mbananaí;
- (e) plandaí beo;
- (f) uibheacha;
- (g) feoil éanlaithe;
- (h) saillte inleata atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine;
- (i) leannlusanna;

2. Chun ionchas na dtomhaltóirí a chur san áireamh agus chun na dálaí eacnamaíochta do tháirgeadh agus do mhargú táirgí talmhaíochta a fheabhsú chomh maith le cáilíocht na dtáirgí talmhaíochta a chumhdaítear faoi mhír 1 agus faoi mhír 4 den Airteagal seo, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir le caighdeáin mhargaithe de réir earnálacha nó táirgí, ag gach céim sa mhargú, chomh maith le maoluithe agus díolúintí ó na caighdeáin sin chun iad a chur in oiriúint do dhálaí síorathraitheacha an mhargaidh, do na hathruithe ar éilimh na dtomhaltóirí, d'fhorbairtí i gcaighdeáin idirnáisiúnta ábhartha agus ionas nach gcruthófar constaicí do nuáil táirgí.

3. Gan dochar d'Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾, féadfaidh na caighdeáin mhargaíochta dá dtagraítear i mír 1 ceann amháin nó níos mó de nanithe seo a leanas a chuimsiú, ar nithe iad atá le cinneadh ar bhonn earnála nó táirge agus atá bunaithe ar shaintréithe gach earnála, an gá chun an margú a rialáil agus na coinníollacha atá sainithe i mír 5 den Airteagal seo:

- (a) na sainmhínte teicniúla, an sonrúchán agus tuairiscí díolacháin d'earnálacha seachas na hearnálacha a leagtar amach in Airteagal 78;
- (b) critéir aicmithe amhail grádú in aicmí, i meáchain, i méideanna, in aois agus i gcatagóirí;
- (c) an speiceas, cineál an phlanda nó cine an ainmhí nó an cineál tráchtála;
- (d) an cur i láthair, lipéadú a bhaineann le caighdeáin éigeantacha mhargaíochta, pacáistiú, rialacha atá le cur i bhfeidhm maidir le hionaid phacála, marcáil, bliain na buainte agus úsáid téarmaí sonracha, gan dochar d'Airteagal 92 go 123;
- (e) critéir amhail cruth, comhsheasmhacht, comhlíonadh, saintréithe an táirge agus céatadán an chion uisce;
- (f) substaintí sonracha a úsáidtear i dtáirgeadh, nó comhpháirteanna nó comhábhair, lena n-áirítear a gcion cainníochtúil, a n-íonacht agus a n-aitheantas;
- (g) cineál na feirmeoireachta agus an modh táirgeachta lena n-áirítear cleachtais fhíoneolaíochta agus ardchórais táirgthe inbhuanaithe;
- (h) cumasc úrfhíona agus fíona lena n-áirítear sainmhínte ar an gcumasc sin, meascadh agus srianta ar an meascadh sin;
- (i) an mhíocht lena mbailítear, lena seachadtar, an leasú agus an láimhseáil, an modh caomhnaithe agus an teocht, an stóráil agus an t-iompar;
- (j) an áit ina ndéantar an fheirmeoireacht agus/nó an áit tionscnaimh, gan feoil éanlaithe ná saille inleata a áireamh;
- (k) srianta maidir le húsáid substaintí agus cleachtas áirithe;

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir leis an soláthar faisnéise bia do thomhaltóirí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 agus (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2002/67/CE agus 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún (IO L 304, 22.11.2011, lch. 18).

- (l) úsáid shonrach;
- (m) na coinníollacha a rialaíonn diúscairt, coimeád, cúrsaíocht agus úsáid táirgí nach gcomhlíonann na caighdeáin mhargaíochta arna nglacadh de bhun mhír 1 agus na sainmhínte, sonrúcháin agus tuairiscí díolacháin mar a thagraítear dóibh in Airteagal 78, chomh maith le diúscairt fotháirgí.

4. De theannta ar mhír 1, féadfaidh feidhm a bheith ag na caighdeáin mhargaíochta maidir le hearnáil an fhíonaBeidh feidhm ag pointí (f), (g), (h), (k) agus (m) de mhír 3 maidir leis an eárnáil sin.

5. Déanfar na caighdeáin mhargaíochta a ghlactar de bhun mhír 1 den Airteagal seo a leagan síos gan dochar d' Airteagal 84 go 88 agus d'arscríbhinn IX agus cuirfean an méid seo a leanas san áireamh:

- (a) saintréithe sonracha an táirge lena mbaineann;
- (b) an gá lena áirithiú go bhfuil na dálaí lena gcabhrófar leis na táirgí sin a chur ar an margadh;
- (c) leas na dtáirgeoirí saintréithe an táirge agus na feirmeoireachta a chur in iúl, agus leas na dtomhaltóirí i dtaca le faisnéis leordhóthanach agus thrédhearcach a fháil faoi tháirgí, lena n-áirítear an áit ina ndéantar an fheirmeoireacht atá le cinneadh ar bhonn gach cáis faoi leith ar an leibhéal geografach is iomchuí, tar éis meastóireacht a dhéanamh ar na costais agus ar na hualaí riaracháin a chuirfean ar oibreoirí go háirithe, agus ar na tairbhí atá ann do tháirgeoirí agus don tomhaltóir deiridh;
- (d) na modhanna atá ar fáil chun saintréithe físeacha, ceimiceacha agus orgánaileipteacha na dtáirgí a chinneadh;
- (e) na moltaí caighdeánacha a ghlac comhlachtaí idirnáisiúnta;
- (f) an gá atá ann saintréithe nádúrtha bunúsacha na dtáirgí a chaomhnú agus gan athrú substaintiúil a dhéanamh ar chomhdhéanamh an táirge lena mbaineann.

6. Chun ionchas na dtomhaltóirí a chur san áireamh mar aon leis an ngá atá ann na dálaí eacnamaíochta do tháirgeadh agus do mhargaíocht táirgí talmhaíochta a fheabhsú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 chun liosta na n-earnálacha i mír 1 a mhodhnú. Beidh na gníomhartha tarmligthe sin teoranta go docht do riachtanais a léiríodh a bheith ann de thoradh ar athruithe in éilimh na dtomhaltóirí, ar dhul chun cinn teicniúil nó ar an ngá atá le nuálaíocht táirgí, agus beidh siad faoi réir Thuarascáil an Choimisiúin chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle lena ndéanfar meastóireacht, go háirithe, ar riachtanais an tomhaltóra, ar na costais agus ar na hualaí riaracháin atá ar oibreoirí lena n-áirítear an tionchar ar an margadh inmheánach agus ar thrádáil idirnáisiúnta, agus ar na tairbhí atá ann do tháirgeoirí agus don tomhaltóir deiridh.

*Airteagal 76***Ceanglais bhreise chun táirgí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a mhargú**

1. Chomh maith leis sin, sa chás inarb ábhartha do na caighdeáin mhargaíochta dá dtagraítear in Airteagal 75, ní fhéadfar táirgí de chuid earnáil na dtorthaí agus na nglasraí atá ceaptha lena ndíol leis an tomhaltóir agus iad úr, a mhargú ach amháin má tá siad de cháilíocht shlán chóir agus indíolta agus má léirítear an tír tionscnaimh.

2. Na caighdeáin mhargaíochta dá dtagraítear i mír 1, agus aon chaighdeán margaíochta is infheidhme maidir le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí a leagtar síos i gcomhréir leis an bhforoinn seo, beidh feidhm acu ag gach céim mhargaíochta lena n-áirítear allmhairiú agus onnmhairiú, agus féadfar cáilíocht, aicmiú, méachan, toirt, pacáil, pacáistiú, stóráil, iompar, cur i láthair agus margú a chumhdach leo.

3. Ní chuirfidh sealbhóir táirgí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a chumhdaítear le caighdeáin mhargaíochta na táirgí sin ar taispeáint, ní dhíolfaidh sé iad ná ní dhéanfaidh sé iad a sheachadadh ná a mhargú ar aon bhealach laistigh den Aontas ach amháin i gcomhréir leis na caighdeáin sin agus beidh sé freagrach as a áirithiú go gceolfear leis na caighdeáin sin.

4. D'fhonn cur i bhfeidhm chuí na gceanglas atá leagtha amach i mír 1 den Airteagal seo a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir le maoluithe sonracha ón Airteagal seo atá riachtanach chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm i gceart.

*Airteagal 77***Deimhniú leannlusanna**

1. Chomh maith leis sin, sa chás inarb ábhartha do na caighdeáin mhargaíochta infheidhme, beidh táirgí de chuid earnáil na leannlusanna faoi réir nós imeachta deimhniúcháin faoin Airteagal seo.

2. Ní fhéadfar deimhnithe a eisiúint ach amháin i gcás táirgí a bhfuil na saintréithe íosta cáilíochta acu atá oiriúnach do chéim shonrach mhargaíochta. I gcás púdair leannlusanna, púdair leannlusanna a bhfuil cion níos airde lúpailin ann, eastóscán leannlusanna, agus táirgí leannlusanna measctha, ní fhéadfar an deimhniú a eisiúint ach amháin mura bhfuil cion aigéid alfa na dtáirgí sin níos ísle ná cion aigéid alfa na leannlusanna ónar ullmháidh iad.

3. Léireofar na nithe seo a leanas ar a laghad sna deimhnithe:

(a) an áit/na háiteanna a dtáirgtear na leannlusanna;

(b) an bhliain/na blianta a saothraíodh iad;

(c) an cineál nó na cineálacha.

4. Ní fhéadfar táirgí earnáil na leannlusanna a mhargú ná a onnmhairiú ach amháin má chumhdaítear iad le deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis an Airteagal seo.

I gcás táirgí earnáil na leannlusanna a allmhairítear, measfar go mbeidh an fianú dá bhforáiltear in Airteagal 190(2) coibhéiseach leis an deimhniú sin.

5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 chun bearta a leagan síos mar mhaolú ó mhír 4 den Airteagal seo:

(a) chun ceanglais trádála tríú tíortha áirithe a chomhlíonadh; nó

(b) i gcás táirgí a mbainfear úsáid speisialta astu.

Na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

(i) beidh siad gan dochar do ghnáthmhargú na dtáirgí ar eisíodh deimhniú ina leith; agus

(ii) beidh ráthaíochtaí ag gabháil leo chun aon mhearbhall maidir leis na táirgí sin a sheachaint.

*Airteagal 78***Sainmhíniú, sonrúcháin agus tuairiscí díolacháin i gcomhair earnálacha agus táirgí áirithe**

1. Chomh maith leis sin, sa chás inarb ábhartha do na caighdeáin mhargaíochta, beidh feidhm ag na sainmhíniú agus na tuairiscí díolacháin dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VII maidir leis na hearnálacha agus na táirgí seo a leanas:

(a) mairteoil agus laofheoil;

(b) fíon;

(c) bainne agus táirgí bainne atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine;

(d) feoil éanlaithe

(e) uibheacha;

(f) saillte inleata atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine; agus

(g) ola olóige agus ológa ológa boird

2. Ní fhéadfar na sainmhíniú, sonrúcháin nó tuairiscí díolacháin dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VII a úsáid san Aontas ach amháin le haghaidh margaíocht táirge a chomhlíonann na ceanglais chomhfhreagracha atá leagtha síos san Iarscríbhinn sin.

3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir le leasuithe, maoluithe nó díolúintí i ndáil leis na sainmhíniú agus na tuairiscí díolacháin dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VII. Beidh na gníomhartha tarmlichte sin teoranta go docht do riachtanais a léiríodh a bheith ann agus ar toradh iad ar athruithe in éilimh na dtomhaltóirí, ar dhul chun cinn teicniúil nó ar an gá atá le nuálaíocht táirgí.

4. Chun a áirithiú go bhfuil tuiscint shoiléir cheart ag oibritheoirí agus ag na Ballstáit ar na sainmhínte agus na tuairiscí díolacháin dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VII, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir leis na rialacha dá sonrúchán agus dá gcur i bhfeidhm.

5. D'fhonn ionchais na dtomhaltóirí a chur san áireamh mar aon le forbairt an mhargaidh do tháirgí bainne, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227, lena sonrú na táirgí bainne a luafar an speiceas ainmhí óna dtagann an bainne ina leith, mura bó-ainmhí atá i gceist, agus chun na rialacha riachtanacha a leagan síos.

Airteagal 79

Lamháil

1. Chun saintréithe sonracha gach táirge nó eárnála a chur san áireamh, mar aon leis na céimeanna difriúla margáiochta, na coinníollacha teicniúla, aon mhórdheacht phraiticiúil a d'fhéadfaidh a bheith ann, agus cruinneas agus in-atriallacht na modhanna anailíse, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir le lamháilte na haghaidh ceann amháin nó níos mó de chaighdeáin shonracha faoina bhféadfaí a mheas go raibh ag teip ar bhaisc iomlán na dtáirgí an caighdeán sin a chomhlíonadh.

2. Agus na gníomhartha dá dtagraítear i mír 1 á nglacadh aige, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an gá atá ann gan saintréithe intreacha an táirge a athrú agus gan cáilíocht a tháirgí a laghdú.

Airteagal 80

Cleachtais fhíoneolaíochta agus modhanna anailíse

1. Ní úsáidfeadh ach cleachtais fhíoneolaíochta atá údaraithe i gcomhréir le hIarscríbhinn VIII agus dá bhforáiltear i bpointe (g) d'Airteagal 75(3) agus in in Airteagal 83(2) agus (3) i dtáirgeadh agus i gcaomhnú na dtáirgí atá liostaithe i gCuid II d'Iarscríbhinn VII san Aontas.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir le:

- (a) sú fionchaor agus sú fionchaor tiubhaithe; ná
- (b) úrfhíon fionchaor agus úrfhíon fionchaor tiubhaithe atá beartaithe le haghaidh sú fionchaor a ullmhú.

Ní úsáidfeadh cleachtais fhíoneolaíochta údaraithe ach amháin chun fíonóireacht cheart, leasú ceart nó míníneacht cheart an táirge a áirithiú.

Déanfar táirgí atá liostaithe i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a tháirgeadh san Aontas i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha síos in Iarscríbhinn VIII.

2. Ní dhéanfar táirgí atá liostaithe i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a mhargú san Aontas i gcás:

- (a) inar cuireadh cleachtais fhíoneolaíochta neamhúdaraithe de chuid an Aontais i bhfeidhm orthu;

- (b) inar cuireadh cleachtais fhíoneolaíochta neamhúdaraithe náisiúnta i bhfeidhm orthu; nó

- (c) nach gcomhlíonann siad na rialacha atá leagtha síos in Iarscríbhinn VIII.

Scríosfar na táirgí finíúnacha sin nach féidir a mhargú i gcomhréir leis an gcéad fhomhír. De mhaolú ar an rial sin, féadfaidh na Ballstáit a údarú go n-úsáidfeadh driogairí nó monarchana fínéagair táirgí áirithe, a saineoidh siad na saintréithe a bheidh acu, chun críocha tionsclaíochta, ar choinníoll nach dreasacht é an t-údarú sin chun táirgí finíúna a tháirgeadh trí bhíthin cleachtas neamhúdaraithe fhíoneolaíoch.

3. Agus cleachtais fhíoneolaíochta i gcomhair fíona dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 75(3) á n-údarú aige, déanfaidh an Coimisiún mar seo a leanas:

- (a) cuirfidh sé san áireamh na cleachtais fhíoneolaíochta agus na modhanna anailíse atá molta agus foilsithe ag an OIV agus torthaí úsáide turgnamhaí cleachtas fhíoneolaíoch atá fós gan údarú;

- (b) cuirfidh sé cosaint shláinte an duine san áireamh;

- (c) cuirfidh sé san áireamh an baol go bhféadfaí tomhaltóirí a chur amú mar gheall ar na barúlacha seanbhunaithe atá acu faoin táirge agus mar gheall ar na hionchais chomhfhreagracha atá acu, ag féachaint d'inflhaighteacht agus indéantacht modhanna faisnéise chun a leithéid de bhaol a eisiáil;

- (d) ceadóidh sé go gcaomhnófar saintréithe nádúrtha bunúsacha an fhíona agus ní bheidh sé ina chúis go ndéanfar athrú substaintiúil ar chomhdhéanamh an táirge lena mbaineann;

- (e) áiritheoidh sé leibhéal inghlactha íosta cúraim don chomhshaoil;

- (f) urramóidh sé na rialacha ginearálta i dtaobh cleachtas fhíoneolaíoch agus na rialacha atá leagtha síos in Iarscríbhinn VIII.

4. Chun a áirithiú go ndéanfar táirgí neamh-inmhargaithe fíona a chóireáil mar is ceart, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir le rialacha i leith na nósanna imeachta náisiúnta dá dagraítear sa dara fhomhír den dara mír den Airteagal seo agus leis na maoluithe a ghabhann leo i ndáil le táirgí fíona a tharraingt siar nó a scríosadh más táirgí iad nach gcomhlíonann na ceanglais

5. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na modhanna dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 75(5) do tháirgí atá liostaithe i gCuid II d'Iarscríbhinn VII Beidh na modhanna sin bunaithe ar aon mhodhanna ábhartha arna moladh agus arna bhfoilsíú ag an OIV, mura mbeadh siad neamhéifeachtach nó neamhchuí i bhfianaise an chuspóra atá á shaothrú ag an Aontas. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Go dtí go nglacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin, is iad na modhanna agus na rialacha a bheidh le húsáid na modhanna a cheadaíonn an Ballstát lena mbaineann.

Airteagal 81

Cineálacha fionchaor

1. I gcás na dtáirgí atá liostaithe i gCuid II d'Iarscríbhinn VII agus a tháirgtear san Aontas, is de chineálacha fionchaor ar féidir iad a aicmiú i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo a dhéanfar iad.

2. Faoi réir mhír 3, déanfaidh na Ballstáit aicmiú ar na cineálacha fionchaor a fhéadfar a phlandú, a athphlandú nó a bheangú ina gcríocha chun fíon a tháirgeadh.

Ní fhéadfaidh Ballstáit ach na cineálacha fionchaor a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas a aicmiú:

- (a) is cineálacha iad a bhaineann leis an speiceas *Vitis vinifera* nó a fhaightear nuair a chrosáiltear an speiceas *Vitis vinifera* le speicis eile den ghéineas *Vitis*;
- (b) ní ceann de na cineálacha seo a leanas iad: Noah, Othello, Isabelle, Jacquez, Clinton ná Herbemont.

I gcás ina scriostar cineál fionchaor ón aicmiú dá dtagraítear sa chéad fhomhír, déanfar an cineál sin a ghráfadh laistigh de 15 bliana ó thráth a scriosta.

3. Tabharfar díolúine ón oibleagáid aicmithe dá bhforáiltear sa chéad fhomhír de mhír 2 do na Ballstáit sin nach sáraíonn a dtáirgeadh fíona 50 000 heictilítear in aghaidh na bliana fíona arna ríomh ar bhonn mheántáirgeadh na gcúig bliana fíona roimhe sin.

Mar sin féin, sna Ballstáit sin freisinní cheadófar ach cineálacha fionchaor a chomhlíonann an dara fhomhír de mhír 2 a phlandú, a athphlandú nó a bheangú chun fíon a tháirgeadh.

4. De mhaolú ar an gcéad fhomhír agus ar an tríú fhomhír de mhír 2 agus ar an dara fhomhír de mhír 3 ceadóidh na Ballstáit plandú, athphlandú nó beangú na gcineálacha fionchaor a leanas ar mhaithe le taighde eolaíoch agus chun críoch turgnamhach:

- (a) cineálacha fionchaor nach n-aicmítear i gcás Ballstáit seachas na Ballstáit sin dá tagraítear i mír 3;
- (b) cineálacha fionchaor nach gcomhlíonann an dara fhomhír de mhír 2 fad is a bhaineann le Ballstáit dá dtagraítear i mír 3.

5. Maidir le limistéir a bhfuil cineálacha fionchaor curtha iontu chun fíon a tháirgeadh, agus sin ag sárú mhír 2, mhír 3 agus mhír 4, déanfar na limistéir sin a ghráfadh.

Mar sin féin, ní bheidh aon dualgas na limistéir sin a ghráfadh nuair atá an táirgeadh ábhartha beartaithe lena thomhailt ag teaghlaigh na dtáirgeoirí fíona féin amháin.

Airteagal 82

Úsáid shonrach fíona nach gcomhlíonann na catagóirí atá liostaithe i gCuid II d'Iarscríbhinn VII

Seachas fíon buidéalaithe a bhfuil fianaise ann gur cuireadh i mbuidéal é roimh an 1 Meán Fómhair 1971, ní úsáidfeadh fíon a tháirgeadh ó na cineálacha fionchaor atá liostaithe san aicmiú arna tharraingt suas i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 81(2) ach nach gcomhlíonann ceann de na catagóirí atá leagtha síos i gCuid II d'Iarscríbhinn VII ach amháin lena chaitheamh ag teaghlaigh táirgeoirí fíona indibhidúla, nó chun fíonéagar fíona a tháirgeadh nó lena dhriogadh.

Airteagal 83

Rialacha náisiúnta i gcomhair táirgí agus earnálacha áirithe

1. D'ainneoin Airteagal 75(2), féadfaidh Ballstáit rialacha náisiúnta a ghlacadh nó a choimeád lena leagtar síos leibhéil éagsúla caighdeáin i gcomhair saille inleata. Leis na rialacha sin féadfar na leibhéil cháilíochta sin a mheasúnú ar bhonn critéir a bhaineann go háirithe leis na hamhábhair a úsáidtear, saintréithe orgánaileipteacha na dtáirgí agus a gobhsaíocht fhísiciúil agus mhicreabhitheolaíoch.

Maidir le Ballstáit atá ag baint úsáide as an rogha dá bhforáiltear sa chéad fhomhír, áiritheoidh siad gur féidir le táirgí Ballstát eile a chomhlíonann na critéir a leagtar síos leis na rialacha náisiúnta sin, faoi choinníollacha neamh-idirdhealaitheacha, úsáid a bhaint as téarmaí a shonraíonn go gcloítear leis na critéir sin.

2. Féadfaidh Ballstáit teorainn a chur le húsáid cleachtas fíoneolaíoch áirithe nó na cleachtais sin a thoirmeasc agus féadfaidh siad foráil a dhéanamh maidir le rialacha níos déine i gcás fíonta atá údaraithe faoi dhlí an Aontais agus a tháirgtear ina gcríocha chun treise a chur le caomhnú saintréithe bunúsacha fíonta ag a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tasc geografach faoi chosaint agus chun treise a chur le caomhnú saintréithe bunúsacha fíonta súilíneacha agus fíonta licéir.

3. Féadfaidh Ballstáit úsáid thurgnamhach cleachtas fíoneolaíoch neamhúdaraithe a cheadú.

4. Chun a áiritiú go gcuirfeadh an tAirteagal seo i bhfeidhm ar bhealach ceart agus trédhearcach, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227, lena leagtar amach na coinníollacha faoina gcuirfeadh mír 1, mír 2 agus mír 3 den Airteagal seo i bhfeidhm, chomh maith leis na coinníollacha maidir le coimeád, cúrsaíocht agus úsáid na dtáirgí a fhaightear ó na cleachtais thurgnamhacha dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo.

5. Ní fhéadfaidh na Ballstáit forálacha breise náisiúnta a ghlacadh ná a chothabháil i gcás táirgí a chumhdaítear le caighdeán margaíochta de chuid an Aontais ach amháin má chomhlíonann na forálacha sin dlí an Aontais, go háirithe prionsabal na saorghluaiseachta earraí, agus faoi réir Threoir 98/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.

Foroinn 3

Téarmaí roghnacha coimeádta

Airteagal 84

Foráil ghinearálta

Bunófar scéim do théarmaí roghnacha forchoimeádta de réir earnála nó táirgí le gurbh fhusa do tháirgeoirí táirgí talmhaíochta a bhfuil saintréithe nó cáilíochtaí luach-bhreisi-theacha acu na saintréithe nó na cáilíochtaí sin a chur in iúl laistigh den mhargadh inmheánach, agus go háirithe chun tacú leis na caighdeáin shonracha mhargaíochta agus chun iad a chomhlánú.

Ní bheidh feidhm ag an bhForoinn seo maidir le táirgí fíona dá dtagraítear in Airteagal 92(1).

Airteagal 85

Téarmaí roghnacha coimeádta atá ann cheana

1. Na téarmaí roghnacha coimeádta atá cumhdaithe faoin scéim 17 Nollaig 2013 sin, liostaítear iad in Iarscríbhinn IX agus leagfar síos a gcoinníollacha úsáide de bhun pointe (a) d'Airteagal 86.

2. Leanfaidh na téarmaí roghnacha coimeádta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo d'fheidhm a bheith acu, faoi réir a leasaithe, mura gcuirfear ar ceal iad de bhun Airteagal 86.

Airteagal 86

Forchoimeád, leasú agus cealú na dtéarmaí roghnacha coimeádta

Chun ionchais na dtomhaltóirí, forbairtí san eolas eolaíoch agus teicniúil, an staid sa mhargadh agus forbairtí sna caighdeáin mhargaíochta agus na caighdeáin idirnáisiúnta a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227:

- téarma roghnach coimeádta breise a fhorchoimeád, lena leagtar síos a choinníollacha úsáide;
- lena leasófar coinníollacha úsáide téarma roghnaigh choimeádta; nó
- téarma roghnach coimeádta a chur ar ceal.

⁽¹⁾ Treoir 98/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 lena leagtar síos nós imeachta maidir le soláthar faisnéise i réimse na gcaighdeán agus na rialachán teicniúil agus rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO L 204, 21.7.1998, lch. 37).

Airteagal 87

Téarmaí roghnacha coimeádta breise

1. Beidhbheidh téarma incháilithe mar théarma roghnach coimeádta breise ach amháin má chomhlíonann sé gach ceann de na ceanglais seo a leanas:

- baineann an téarma le saintréith de chuid táirge nó le cáilíocht feirmeoireachta nó próiseála agus baineann sé le hearnáil nó le táirge;
- le húsáid an téarma is féidir breisluach an táirge de bharr a saintréithe sonracha nó de bharr a cháilíochta ar leith feirmeoireachta nó próiseála a chur in iúl ar bhealach níos soiléire;
- gur inaitheanta saintréith nó cáilíocht an táirge dá dtagraítear i bpointe (a), nuair a chuirtear ar an margadh é, do thomhaltóirí i roinnt Ballstát;
- go bhfuil na coinníollacha agus úsáid an téarma i gcomhréir le Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ nó le Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011.

Agus téarma roghnach coimeádta breise á chur isteach aige, cuirfidh an Coimisiún aon chaighdeán ábhartha idirnáisiúnta san áireamh chomh maith leis na téarmaí coimeádta atá ann cheana i gcás na dtáirgí nó na n-earnálacha lena mbaineann.

2. Chun saintréithe earnálacha ar leith a chur san áireamh, chomh maith le hionchais na dtomhaltóirí, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos mionsonraí breise i ndáil leis na ceanglais ó thaobh téarma coimeádta breise dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a thabhairt isteach.

Airteagal 88

Srianta ar úsáid na dtéarmaí roghnacha coimeádta

- Ní fhéadfar téarma roghnach cáilíochta a úsáid ach amháin chun tuairisc a dhéanamh ar tháirgí a chomhlíonann na coinníollacha úsáide comhfhreagracha.
- Déanfaidh na Ballstáit gach beart iomchuí lena áirithiú nach gcruthóidh lipéadú an táirge mearbhall maidir le téarmaí roghnacha forchoimeádta.
- Chun a áirithiú go mbeidh na táirgí a ndéantar tuairisc orthu le téarmaí roghnacha coimeádta i gcomhréir leis na coinníollacha úsáide infheidhme, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos rialacha breise i ndáil le húsáid téarmaí roghnacha coimeádta.

⁽²⁾ Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Márta 2000 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát i ndáil le lipéadú, le cur i láthair agus le fógraíocht ar earraí bia (IO L 109, 6.5.2000, lch 29).

Foroinn 4

Caighdeán mhargaíochta maidir le hallmhairiú agus le honnmhairiú

Airteagal 89

Forálacha ginearálta

Chun na saintréithe sonracha saintréithe sonracha i dtrádáil idir an tAontas agus tríú tíortha áirithe agus nádúr speisialta roinnt táirgí talmhaíochta a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir leis:

- (a) na coinníollacha faoina meastar go bhfuil leibhéal comhionann comhréireachta ag táirgí allmhairithe le caighdeán mhargaíochta an Aontais agus le coinníollacha lena bhféadfar maolú ó Airteagal 74;
- (b) na rialacha maidir le cur i bhfeidhm na gcaighdeán margaíochta ar tháirgí a onnmhairítear ón Aontas.

Airteagal 90

Forálacha speisialta i gcás allmhairí fíona

1. Ach amháin nuair a fhoráiltear a mhalairt i gcomhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích i gcomhréir le CFAE, beidh feidhm ag na forálacha i dtaobh sonrúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha agus lipéadú fíona atá leagtha amach i Roinn 2 den Chaibidil seo, agus sna sainmhínte, sonrúcháin agus tuairiscí díolacháin dá dtagraítear in Airteagal 78 den Rialachán seo, maidir le táirgí a allmhairítear isteach san Aontas agus a thagann faoi chóid AC 2009 61, 2009 69 agus 2204.

2. Ach amháin nuair a fhoráiltear a mhalairt i gcomhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích i gcomhréir le CFAE, déanfar táirgí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a tháirgeadh i gcomhréir le cleachtais fíoneolaíochta atá údaraithe ag an Aontas de bhun an Rialacháin seo nó, sula ndéonaítear an t-údarú de bhun Airteagal 80(3), déanfar iad a tháirgeadh i gcomhréir le cleachtais fíoneolaíochta atá molta agus foilsithe ag an OIV.

3. Beidh allmhairiú na dtáirgí dá dtagraítear i mír 1 faoi réir an méid seo a leanas a thíolacadh:

- (a) deimhniú lena léirítear go gcomhlíontar na forálacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, ar deimhniú é arna tharraingt suas ag comhlacht inniúil a bheidh san áireamh ar liosta a phoibleoidh an Coimisiún, i dtír thionscnaimh an táirge;
- (b) tuarascáil anailíse arna tarraingt suas ag comhlacht arna cheapadh nó roinn arna cheapadh ag tír thionscnaimh an táirge, a mhéid is atá an tairge ceaptha lena chaitheamh go díreach ag an duine.

Roinn 5

Forálacha coiteanna

Airteagal 91

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh:

- (a) lena mbunaítear liosta an bhainne agus na dtáirgí bainne dá dtagraítear sa dara mír de phointe 5 de Chuid III d'Iarscríbhinn VII, mar aon le liosta na saille inleata dá dtagraítear i bpointe (a) den séú mír de Chuid VII d'Iarscríbhinn VII, ar bhonn liostaí táscachá táirgí a measann Ballstáit go gcomhfhreagraíonn siad ina gcríocha do na forálacha sin agus ar liostaí iad a sheolfaidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún;
- (b) lena leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme na gcaighdeán margaíochta de réir earnála nó de réir táirge;
- (c) lena leagtar síos rialacha chun a chinneadh ar cuireadh próisis a sháraíonn na cleachtais údaraithe fhíoneolaíochta i bhfeidhm ar tháirgí;
- (d) lena leagtar síos rialacha do na modhanna anailíse chun saintréithe táirgí a chinneadh;
- (e) lena leagtar síos rialacha maidir leis an leibhéal lamháiltais a shocrú;
- (f) lena leagtar síos rialacha chun na bearta dá dtagraítear in Airteagal 89 a chur chun feidhme;
- (g) lena leagtar síos rialacha maidir le haithint nó clárú an tairgeora agus/nó na saoráidí tionsclaíochta inar ullmhaíodh nó inar próiseáladh an tairge, na nósanna imeachta deimhniúcháin agus na doiciméid tráchtála, na doiciméid tionlacain agus na taifid a choimeádfar.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Roinn 2

Sonrúcháin tionscnaimh, tásca geografacha agus téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona

Foroinn 1

Forálacha tosaigh

Airteagal 92

Raon Feidhme

1. Beidh feidhm ag rialacha a bhaineann le sonrúcháin tionscnaimh, tásca geografacha agus téarmaí traidisiúnta atá leagtha síos sa Roinn seo maidir leis na táirgí dá dtagraítear i míreanna 1, 3 go 6, 8, 9, 11, 15 agus 16 de Chuid II d'Iarscríbhinn VII.

2. Bunófar na rialacha dá dtagraítear i mír 1 ar na nithe seo a leanas:

- (a) leasanna dlísteanaigh tomhaltóirí agus tairgeoirí a chosaint;
- (b) feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh sna táirgí i gceist a áirithiú; agus

(c) táirgeadh táirgí ardchaighdeáin dá dtagraítear sa Roinn seo a chur chun cinn agus bearta maidir le beartais náisiúnta cháilíochta a cheadú ag an am céanna.

Foroinn 2

Sonrúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha

Airteagal 93

Sainmhínte

1. Chun críocha na Roinne seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

(a) ciallaíonn "sonrúchán tionscnaimh" ainm réigiúin, ainm áite faoi leith nó i gcásanna eisceachtúla a bhfuil call cuí leo, ainm tíre, a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar tháirge dá dtagraítear in Airteagal 92(1) a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:

(i) timpeallacht gheografach ar leith agus gnéithe dúchasacha nádúrtha agus daonna na timpeallachta sin is cúis, go bunúsach nó go heisiach, le cáilíocht agus saintréithe an táirge;

(ii) is ón limistéar geografach sin amháin a thagann na fionchaora óna dtáirgtear é;

(iii) táirgtear é sa limistéar geografach sin; agus

(iv) faightear é ó chineálacha fíniúna *Vitis vinifera*;

(b) ciallóidh "tásc geografach" tásc a dhéanann tagairt do réigiún, d'áit faoi leith, nó i gcásanna eisceachtúla agus a bhfuil údar cuí leo, do thír, a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar tháirge dá dtagraítear in Airteagal 92(1) a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:

(i) tá cáilíocht faoi leith, cáil nó saintréithe eile aige is féidir a chur i leith an tionscnaimh gheografaigh sin;

(ii) is ón limistéar geografach sin amháin a thagann 85 % ar a laghad de na fionchaora a úsáideadh lena tháirgeadh;

(iii) táirgtear é sa limistéar geografach sin; agus

(iv) faightear é ó fhíniúna den chineál *Vitis vinifera* nó ó fhíniúna a fhaightear nuair a chrosáiltear fíniúna den speiceas *Vitis vinifera* le speicis eile den ghéineas *Vitis*.

2. Beidh logainmneacha áirithe a úsáidtear go traidisiúnta ina sonrúcháin tionscnaimh:

(a) má shonraíonn siad fíon;

(b) má thagraíonn siad d'ainm geografach;

(c) má chomhlíonann siad na ceanglais dá dtagraítear i mír 1(a)(i) go (iv); agus

(d) má chuirtear an nós imeachta i bhfeidhm orthu lena dtugtar cosaint do shonrúcháin tionscnaimh agus do thásca geografacha atá leagtha síos san Fhoroinn seo.

3. Beidh sonrúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha, lena n-áirítear cinn a bhaineann le limistéir gheografacha i dtríú tíortha, cáilithe chun cosaint a fháil san Aontas i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha síos san Fhoroinn seo.

4. Clúdóidh an 'táirgeadh' dá dtagraítear i bpoint (a)(iii) de mhír 1 gach oibríocht a bheidh bainteach, ó bhaint na bhfionchaora go dtí críoch na bpróiseas déanta fíona, ach amháin na próisis iartháirgthe.

5. Chun críche chur i bhfeidhm phointe (b)(ii) de mhír 1, eascróidh an sciar uasta de 15 % na bhfionchaora ar féidir leo teacht de bhunadh a bheidh lasmuigh den limistéar críochaithe ón mBallstát nó ón tríú tír ina bhfuil an limistéar críochaithe suite.

Airteagal 94

Iarratais ar chosaint

1. Ní mór comhad teicniúil ina mbeidh na nithe seo a leanas a bheith in éineacht le hiarratais ar chosaint ainmneacha mar shonrúcháin tionscnaimh nó mar thásca geografacha:

(a) an t-ainm atá le cosaint;

(b) ainm agus seoladh an iarratasóra;

(c) sonraíocht táirge dá dtagraítear i mír 2; agus

(d) doiciméad aonair ina ndéantar achoimre ar an tsonraíocht táirge dá dtagraítear i mír 2.

2. Cuirfidh an tsonraíocht táirge ar chumas páirtithe leasmhara dálaí ábhartha táirgthe i ndail leis an sonrúchán tionscnaimh nó an táisc gheografaigh a fhíorú.

Beidh an méid seo a leanas ar a laghad sa tsonraíocht táirge:

(a) an t-ainm atá le cosaint;

(b) tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta:

(i) cur síos ar a bpríomhthréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha i gcás fíonta a bhfuil sonrúchán tionscnaimh acu;

(ii) cur síos ar a bpríomhthréithe anailíseacha mar aon le meastóireacht nó tásc ar a dtréithe orgánaileipteacha i gcás fíonta a bhfuil tásc geografach acu;

(c) nuair is infheidhme, na cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáideadh chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh mar aon leis na srianta ábhartha maidir le déanamh an fhíona nó na bhfíonta;

- (d) teorainneacha an limistéir gheografaigh lena mbaineann;
- (e) an táirgeacht uasta in aghaidh an heicteáir;
- (f) tásc faoin gcineál fionchaoire nó faoi na cineálacha fionchaoire óna dtáirgtear an fion nó na fionta;
- (g) na mionsonraí a dhearbhaíonn an nasc dá dtagraítear i bpointe (a)(i) nó, de réir an cháis, i bpointe (b)(i) d'Airteagal 93(1);
- (h) na ceanglais is infheidhme arna leagan síos i reachtaíocht an Aontais nó i reachtaíocht náisiúnta, nó nuair a dhéanann Ballstát foráil amhlaidh, ag eagraíocht a bhainistíonn an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó an tásc geografach faoi chosaint, ag féachaint dó go mbeidh na ceanglais sin oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach agus ag luí le dlí an Aontais;
- (i) ainmneacha agus seoltaí na n-údarás nó na gcomhlachtaí a fhóiríonn gur comhlíonadh forálacha na sonraíochta táirge agus a gcuid cúraimí sonracha.

3. I gcás ina mbaineann an t-iarratas ar chosaint le limistéar geografach i dtríú tír, beidh istigh ann, i dteannta na nithe dá bhforáiltear i mír 1 agus mír 2, cruthúnas go bhfuil an t-ainm lena mbaineann faoi chosaint ina thír thionscnaimh.

Airteagal 95

Iarratasóirí

- Féadfaidh aon ghrúpa leasmhar táirgeoirí, nó táirgeoirí aonair i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, cur isteach ar chosaint sonrúcháin tionscnaimh nó táisc gheografaigh. Féadfaidh páirtithe leasmhara eile páirt a ghlacadh san iarratas.
- Féadfaidh táirgeoirí cur isteach ar chosaint i gcomhair na bhfionta a tháirgeann siad féin agus ina gcomhair siúd amháin.
- Féadfar comhiarratas a thíolacadh i gcás ainm a shonraíonn limistéar geografach trasteorann nó ainm traidisiúnta a bhaineann le limistéar geografach trasteorann.

Airteagal 96

Réamh-nós imeachta náisiúnta

- Iarratais ar chosaint sonrúcháin tionscnaimh nó táisc gheografaigh d'fhionta a thionscnaítear san Aontas, beidh siad faoi réir réamh-nós imeachta náisiúnta.
- Déanfar an t-iarratas ar chosaint a chomhdú sa Bhallstát sin a dtionscnaíonn an sonrúchán tionscnaimh nó an tásc geografach ina chríocha.

3. Scrúdóidh an Ballstát an t-iarratas ar chosaint le fíorú an gcomhlíonann sé na coinníollacha atá leagtha amach san Fhoróinn seo.

Leanfaidh an Ballstát níos imeachta náisiúnta lena gcinnteofar go bhfoilseofar an t-iarratas go leordhóthanach agus lena ndéantar foráil do thréimhse dhá mhí ar a laghad ó dháta fhoilsiú an iarratais ina bhféadfaidh aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach a bhfuil leas dlísteanaigh aige sa chás agus atá ina chónaí nó bunaithe ar chríocha an Bhallstáit agóid a dhéanamh in aghaidh na cosanta atá beartaithe trí ráiteas a bhfuil bonn maith údair leis a thaisceadh leis an mBallstát.

4. Má mheasann an Ballstát atá ag déanamh measúnú ar an iarratas nach gcomhlíonann an sonrúchán tionscnaimh nó an tásc geografach na coinníollacha a leagtar síos san Fhoróinn seo nó nach bhfuil sé ag luí le dlí an Aontais, diúltóidh sé an t-iarratas.

5. Má mheasann an Ballstát atá ag déanamh measúnú ar an iarratas go gcomhlíonfar na ceanglais, leanfaidh sé níos imeachta náisiúnta lena gcinnteofar go bhfoilseofar an tsonraíocht táirge go leordhóthanach ar a laghad ar an Idirlíon agus go seolfar an t-iarratas chuig an gCoimisiún.

Airteagal 97

Grinnscrúdú á dhéanamh ag an gCoimisiún

- Fógróidh an Coimisiún don phobal an dáta a gcuirfear an t-iarratas isteach ar chosaint an tsonrúcháin tionscnaimh nó an táisc gheografaigh.
 - Scrúdóidh an Coimisiún na hiarratais ar chosaint dá dtagraítear in Airteagal 94 le féachaint an gcomhlíonann siad na coinníollacha atá leagtha síos san Fhoróinn seo.
 - I gcás ina measann an Coimisiún go gcomhlíonfar na coinníollacha atá leagtha síos san Fhoróinn seo, glacfaidh sé gníomhartha cur chun feidhme, maidir le foilseachán an doiciméid aonair dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 94(1) agus an tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge a rinneadh le linn an réamh-nós imeachta náisiúnta, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) a fheidhmiú.
 - I gcás ina measann an Coimisiún nach gcomhlíonfar na coinníollacha atá leagtha síos san Fhoróinn seo, glacfaidh sé gníomhartha cur chun feidhme.
- Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 98

Nós imeachta agóide

Laistigh de dhá mhí ó dháta fhoilsiú an doiciméid aonair dá dtagraítear in Airteagal 94(1)(d), féadfaidh Ballstát nó tríú tír ar bith, nó duine nádúrtha nó dlítheanach ar bith a bhfuil leas dlísteanaigh aige agus, atá ina chónaí nó bunaithe i mBallstát eile seachas an ceann atá ag déanamh iarratais ar chosaint nó i dtríú tír, agóid a dhéanamh in aghaidh na cosanta atá beartaithe trí ráiteas cuí-réasúnaithe maidir leis na coinníollacha cáilitheachta mar atá siad leagtha síos san Fhoróinn seo a thíolacadh don Choimisiún.

I gcás daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ina gcónaí nó bunaithe i dtríú tíortha, tíolacfar an ráiteas sin, go díreach nó trí údarás na tríú tíre lena mbaineann, laistigh den tréimhse dhá mhí dá dtagraítear sa chéad mhír.

Airteagal 99

Cinneadh maidir le cosaint

Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil dó ag deireadh an nós imeachta agóide dá dtagraítear in Airteagal 98, glacfaidh an Coimisiún, gníomhartha cur chun feidhme lena dtabharfar cosaint don sonrúchán tionscnaimh nó don tásca geografacha a chomhlíonann na coinníollacha atá leagtha síos san Fhoroinn seo agus atá ag luí le dlí an Aontais, nó lena ndiúltofar don iarratas i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha sin.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 100

Comhainmneacha

1. I gcás ainm a dtíolactar iarratas ina leith agus atá comhainmneach go hiomlán nó go páirteach le hainm atá cláraithe faoin Rialachán seo cheana, clárófar an t-ainm sin ag tabhairt aird chuí ar an gcaoi a n-úsáidtear é go traidisiúnta agus go háitiúil agus ar aon bhaol mearbhaill a d'fhéadfadh a bheith ann.

Ní chlárófar ainm comhainmneach a chuireann an tomhaltóir amú sa chaoi go gcreideann sé gur tháinig na táirgí ó chríoch eile fiú má tá an t-ainm cruinn fad is a bhaineann le críoch, le réigiún nó le háit tionscnaimh iarbhir na dtáirgí sin.

Ní fhéadfar ainm comhainmneach cláraithe a úsáid ach amháin más leor an t-idirdhealú sa chleachtas idir an t-ainm atá sa chlár cheana féin agus an comhainm a cláraíodh ina dhiaidh sin, ag féachaint don ghá atá ann caitheamh go cothrom leis na táirgeoirí lena mbaineann agus an gá atá ann gan an tomhaltóir a chur amú.

2. Beidh feidhm ag mír 1 mutatis mutandis má tá ainm a bhfuil iarratas tíolactha ina leith, comhainmneach go hiomlán nó i bpáirt le tásca geografacha atá faoi chosaint faoi dhlí náisiúnta na mBallstát.

3. I gcás ina bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásca geografacha faoi chosaint in ainm cineáil fionchaor nó inarb é sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásca geografacha faoi chosaint atá san ainm sin, ní úsáidfean an t-ainm sin chun táirgí talmhaíochta a lipéadú.

Chun na cleachtais lipéadaithe atá ann cheana a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos eisceachtaí ón riail sin.

4. Beidh cosaint sonrúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha táirgí atá cumhdaithe ag Airteagal 93 den Rialachán seo gan dochar do na tásca geografacha faoi

chosaint a bhfuil feidhm acu maidir le deochanna biotáileacha mar atá siad sainmhínithe in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.

Airteagal 101

Forais bhreise maidir le diúltú cosanta

1. Ní dhéanfar ainm a tháinig chun bheith cineálach a chosaint mar shonrúchán tionscnaimh nó mar thásca geografacha.

Chun críocha na Roinne seo, ciallóidh "ainm a tháinig chun bheith cineálach" ainm fíona, agus bíodh is go mbaineann sé leis an áit nó an réigiún inarb é táirgeadh nó inarb é margaidh an táirge sin ar dtús, is ainm coitianta fíona anois é san Aontas.

Le suíomh cibé atá ainm tagtha chun bheith cineálach nó nach bhfuil cuirfean na tosca ábhartha san áireamh, go háirithe:

- (a) an staid mar atá sé san Aontas, go mór mór i réimsí tomhaltais;
- (b) dlí ábhartha an Aontais nó an reachtaíocht ábhartha náisiúnta.

2. Ní dhéanfar ainm a chosaint mar shonrúchán tionscnaimh nó mar thásca geografacha más rud é, i bhfianaise an chluí agus na cáile atá ar thrádmharc, go bhféadfadh an chosaint sin an tomhaltóir a chur amú maidir le fíorchéannacht an fhíona.

Airteagal 102

An gaol le trádmharcanna

1. Maidir le trádmharc a chlárú arb é atá ann sonrúchán tionscnaimh nó tásca geografacha faoi chosaint nó ina bhfuil an sonrúchán sin nó an tásca sin ann agus nach gcomhlíonann an sonrúchán táirge lena mbaineann, nó a dtig a úsáid faoi Airteagal 103(2) agus a bhaineann le táirge a thig faoi cheann de na catagóirí atá liostaithe faoi Chuid II d'Iarscríbhinn VII:

- (a) diúltófar é má chuirtear isteach an t-iarratas ar chlárú an trádmhairc i ndiaidh an dáta ar cuireadh isteach iarratas ar chosaint sonrúcháin tionscnaimh nó tásca gheografaigh chuig an gCoimisiún agus má chosnaítear an sonrúchán tionscnaimh nó an tásca geografacha ina dhiaidh sin, nó
- (b) cuirfean ó bhail é.

2. Gan dochar d'Airteagal 101(2), maidir le trádmharc dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, agus a ndearnadh iarratas ina leith, nó a cláraíodh nó a bunaíodh trína úsáid de mheon macánta, agus má dhéantar foráil don fhéidearthacht sin sa dlí lena mbaineann i gcríoch an Aontais roimh an dáta a gcosnófar an sonrúchán tionscnaimh nó an tásca geografacha sa tír tionscnaimh, nó roimh an 1 Eanáir 1996, féadfar leanúint dá

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha deochanna biotáileacha (IO L 39, 13.2.2008, lch. 16).

úsáid agus dá athnuachan d'ainneoin cosanta sonrúcháin tionscnaimh nó tásc geografacha, ar choinníoll nach bhfuil aon fhoras ann go mbeadh an trádmharc neamhbhaílí nó go n-aisghairfí é faoi Threoir 2008/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ nó i Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 ⁽²⁾.

Sna cásanna sin féadfar an sonrúchán tionscnaimh nó an tásc geografach a úsáid taobh leis na trádmharcanna ábhartha.

Airteagal 103

Cosaint

1. Féadfaidh aon oibreoir atá ag margú fíona sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus tásc geografach faoi chosaint a úsáid má táirgeadh an fíon i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge chomhfhreagrach.

2. Déanfar sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint agus tásc geografach faoi chosaint agus an fíon a úsáideann an t-ainm sin faoi chosaint i gcomhréir leis na sonraíochtaí táirge a chosaint in aghaidh:

(a) aon úsáide tráchtála díri nó indíri an ainm sin faoi chosaint:

(i) do tháirgí inchomparáide nach gcomhlíonann sonraíocht táirge an ainm faoi chosaint;

(ii) a mhéid is a bhaineann an úsáid sin leas as an gcáil atá ag sonrúchán tionscnaimh nó ag tásc geografach;

(b) aon mhí-úsáide, aithrise nó tabhartha chun cuimhne, fiú má shonraítear fíorthionscnamh an táirge nó na seirbhíse nó má aistrítear, má thrasríobhtar nó má thraslitritear an t-ainm faoi chosaint nó má chuirtear slonn mar "stíl", "cineál", "modh", "mar a tháirgtear i", "aithris", "blas", "cosúil" nó nath éigin dá samhail leis;

(c) aon táisc bhréagaigh nó mhíthreoraigh eile maidir le foinse, tionscnamh, nádúr nó cáilíochtaí bunúsacha an táirge, ar an bpacáistiú laistigh nó ar an bpacáistiú lasmuigh, san ábhar fógraíochta nó sna doiciméid a bhaineann leis an táirge áirithe fíona, agus pacáistiú an táirge i gcoimeádán a d'fhéadfadh barúil bhréige a thabhairt faoina thionscnamh;

(d) ar chleachtas ar bith eile a d'fhéadfadh an tomhaltóir a chur amú maidir le fíorthionscnamh an táirge.

⁽¹⁾ Treoir 2008/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trádmharcanna (IO L 299, 8.11.2008, lch. 25).

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir leis an trádmharc Comhphobail (IO L 78, 24.3.2009, lch. 1).

3. Ní thiocfaidh sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint ná tásc geografacha faoi chosaint chun bheith cineálach san Aontas de réir Airteagal 101(1).

Airteagal 104

An Clár

Bunóidh agus coimeádfaidh an Coimisiún clár leictreonach sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus tásc geografach faoi chosaint i gcomhair fíona agus beidh rochtain ag an bpobal air. Féadfar sonrúcháin tionscnaimh agus tásc geografacha a bhaineann le táirgí ó thrú tíortha agus atá faoi chosaint san Aontas faoi chomhaontú idirnáisiúnta a bhfuil an tAontas ina pháirtí conarthach ann a chlárú sa chlár. Clárófar ainmneacha den sórt sin sa chlár mar thásca geografacha faoi chosaint, ach amháin má sainaithníodh iad go sonrach sa chomhaontú sin mar shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint faoin Rialachán seo.

Airteagal 105

Leasuithe ar shonraíochtaí táirgí

Féadfaidh iarratasóir a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 95 cur isteach ar fhormheas i gcomhair leasú a dhéanamh ar shonraíocht táirge sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó tásc geografacha faoi chosaint aige, go háirithe chun forbairtí in eolas teicniúil agus eolaíoch a chur san áireamh nó chun an limistéar geografach dá dtagraítear i bpointe (d) den dara fómhír d'Airteagal 94(2) a athchríochnú. Tabharfar tuairisc sna hiarratais ar na leasuithe sin agus luafar na cúiseanna atá leo.

Airteagal 106

Cealú

Féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh chuí-réasúnaíthe ó Bhallstát, ó thrú tír nó ó dhuine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlítheanach aige, cinneadh a dhéanamh, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcealófar cosaint sonrúcháin tionscnaimh nó tásc geografacha a chealú mura n-áiríthítear go gcomhlíontar an tsonraíocht táirge chomhfhreagrach a thuilleadh.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 107

Ainmneacha fionta cosanta atá ann cheana féin

1. Ainmneacha fionta dá dtagraítear in Airteagal 51 agus in Airteagal 54 de Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999 ón gComhairle ⁽³⁾ agus in Airteagal 28 de Rialachán (CE) Uimh. 753/2002 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, beidh siad cosanta go huathoibríoch faoin Rialachán seo. Liostóidh an Coimisiún iad sa chlár dá ndéantar foráil in Airteagal 104 den Rialachán seo.

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le comheagrú an fhionmhargaidh (IO L 179, 14.7.1999, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 753/2002 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2002 ag leagan síos rialacha mionsonraithe chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999 maidir le táirgí áirithe d'earnáil an fhíona a shainmhíniú, a thuairisciú, a thfolcadh agus a chosaint (IO L 118, 4.5.2002, lch. 1).

2. Déanfaidh an Coimisiún an beart comhfhreagrach foirmeálta, eadhon ainmneacha fionta a bhfuil feidhm ag Airteagal 118s(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1234/2007 maidir leo a bhaint den chlár dá bhforáiltear in Airteagal 81 den Rialachán seo trí bhithin gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) den Rialachán seo a chur i bhfeidhm.

3. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 106 maidir le hainmneacha cosanta fionta atá ann cheana agus dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Go dtí an 31 Nollaig 2014 féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcealófar cosaint ainmneacha fionta cosanta atá ann cheana féin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a mura gcomhlíonann siad na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 93.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

4. I gcás na Cróite, beidh na hainmneacha fionta a fhoilsítear in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ⁽¹⁾ cosanta faoin Rialachán seo, faoi réir toraidh fhabhraigh a bheith ann ar an nós imeachta agóide. Liostóidh an Coimisiún iad sa chlár dá bhforáiltear in Airteagal 81.

Airteagal 108

Táilí

Féadfaidh Ballstáit táilí a ghearradh chun a gcostais a chlúdach, lena n-áirítear na cinn a thabhaíonn siad ag scrúdú iarratas um chosaint, ráiteas agóide, iarratas ar leasuithe agus iarrataí ar chealuithe faoin bhForoinn seo.

Airteagal 109

Cumhachtaí tarmligthe

1. Chun saintréithe sonracha saintréithe sonracha an táirgthe sa limistéar geografach críochaithe a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos s:

- (a) na critéir bhreise maidir le críochú an limistéir gheografaigh a ghlacadh, agus
- (b) na srianta agus na maoluithe maidir leis an táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe.

2. Chun saintréithe sonracha an táirgthe sa limistéar geografach críochaithe a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos na coinníollacha faoinar féidir ceanglais bhreise a áireamh sna sonrúcháin táirge.

3. Chun cosaint cearta agus leasanna dlisteanacha na dtáirgeoirí agus na n-oibreoirí a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir leis an méid a leanas:

- (a) an cineál iarratasóra a fhéadfaidh cur isteach ar chosaint sonrúcháin tionscnaimh nó táisc gheografaigh;
- (b) na coinníollacha atá le comhlíonadh i ndáil le hiarratas ar chosaint sonrúcháin tionscnaimh nó táisc gheografaigh, grinnscrúdú a dhéanann an Coimisiún, an nós imeachta agóide, agus nós imeachta maidir le leasú, cealú agus tiontú sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó táisc gheografaigh faoi chosaint;
- (c) na coinníollacha is infheidhme maidir le hiarratais trasteorann;
- (d) na coinníollacha i gcomhair iarratas a bhaineann le limistéir gheografacha i dtríú tír;
- (e) an dáta óna mbeidh feidhm ag cosaint nó ag leasú ar chosaint;
- (f) na coinníollacha a bhaineann le leasuithe ar shonraíochtaí táirgí.

4. Chun cosaint leordhóthanach a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir le srianta i ndáil leis an ainm faoi chosaint.

5. Chun cosaint leordhóthanach a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 160 maidir le srianta i ndáil leis an ainm faoi chosaint. Chun a áirithiú nach ndéanfaidh cur i bhfeidhm na Foroinne seo dochar míchuí d'oibreoirí eacnamaíocha ná d'údarais inniúla a mhéid is a bhaineann le hainmneacha fionta dár deonaíodh cosaint roimh an 1 Lúnasa 2009 nó a ndearnadh iarratas ar chosaint ina leith roimh an dáta sin, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos rialacha idirthréimhseacha i ndáil leis an méid seo a leanas:

- (a) ainmneacha fionta a d'aithnigh Ballstáit mar shonrúcháin tionscnaimh nó mar thásca geografacha faoin 1 Lúnasa 2009 agus ainmneacha fionta a ndearnadh iarratas ar chosaint ina leith roimh an dáta sin;
- (b) fionta a cuireadh ar an margadh nó a lipéadaíodh roimh dháta sonrach;
- (c) leasuithe ar na sonraíochtaí táirgí.

Airteagal 110

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

1. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síosna bearta riachtanacha maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) an fhaisnéis atá le soláthar sa tsonraíocht táirge maidir leis an nasc idir an limistéar geografach agus an táirge deiridh;
- (b) cinní máidir le cosaint nó diúltú a chur ar fáil don phobal;
- (c) an clár dá dtagraítear in Airteagal 104 a bhunú agus a choimeád;

⁽¹⁾ IO C 116, 14.4.2011, lch. 12.

(d) an tiontú ó shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint go tásca geografach faoi chosaint;

(e) iarratais trasteorann a chur isteach.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na bearta riachtanachamair leis an nós imeachta le haghaidh scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint nó le haghaidh leasú ar shonrúchán tionscnaimh nó ar thásca geografach a fhorghnó, chomh maith leis an nós imeachta le haghaidh iarrataí ar agóid, ar chealú, nó ar thiontú, agus le haghaidh faisnéis a chur isteach a bhaineann le hainmneacha fionta cosanta atá ann cheana féin, go háirithe maidir le:

(a) teimpléid do dhoiciméid agus an fhorghnó ina dtarchuirfear iad;

(b) teorainneacha ama;

(c) mionsonraí na bhforas, na fianaise agus na ndoiciméad tacaíochta atá le cur isteach chun tacú le hiarratas nó le hiarraidh.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 111

Cumhachtaí cur chun feidhme eile

I gcás ina measfar agóid a bheith neamh-inghlactha, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena ndíoltófar í a toisc í a bheith neamh-inghlactha. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3)a fheidhmiú.

Foroinn 3

Téarmaí traidisiúnta

Airteagal 112

Sainmhíniú

Ciallaíonn "téarma traidisiúnta" téarma a úsáidtear go traidisiúnta i mBallstáit i gcás na dtáirgí dá dtagraítear in Airteagal 92(1):

(a) le sonrú go bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásca geografach faoi chosaint ag an táirge sin faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí náisiúnta;

(b) leis an modh táirgthe nó an modh aosaithe, nó cáilíocht nó dath an táirge, nó cineál áite nó imeacht faoi leith a bhfuil baint aici le stair an táirge a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásca geografach faoi chosaint aige a shonrú.

Airteagal 113

Cosaint

1. Ní fhéadfar téarma traidisiúnta faoi chosaint a úsáid ach amháin i gcomhair táirge a táirgeadh i gcomhréir leis an sainmhíniú dá bhforáiltear in Airteagal 112(1).

Cosnófar téarmaí traidisiúnta in aghaidh úsáide neamhdhleathaí.

2. Ní chosnófar téarmaí traidisiúnta i gcoinne na nithe seo a leanas ach amháin sa teanga agus sna catagóirí táirgí finíúnacha a éilítear ar an iarratas:

(a) mí-úsáid an téarma atá faoi chosaint, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil nath amháil 'stíl', 'cineál', 'modh', 'faoi mar a tháirgtear i', 'aithris', 'blas', 'cosúil le' nó nath ar a chuma ag gabháil leis;

(b) aon tásca bhréagaigh nó mhíthreoraigh eile maidir le nádúr, saintréithe nó cáilíochtaí bunúsacha an táirge, a chuirtear ar an bpacáistiú laistigh nó ar an bpacáistiú lasmuigh, san ábhar fógraíochta nó sna doiciméid a bhaineann leis;

(c) aon chleachtas eile ar dóigh dó tomhaltóirí a chur amú, go háirithe lena thabhairt le tuiscint go bhfuil an fion incháilithe le haghaidh an téarma thraidisiúnta faoi chosaint.

3. Ní thiocfaidh téarmaí traidisiúnta chun bheith cineálach san Aontas.

Airteagal 114

Cumhachtaí tarmligthe

1. Chun cosaint leordhóthanach a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir le teanga agus litriú an téarma traidisiúnta atá le cosaint.

2. Chun cosaint cearta agus leasanna dlísteanaigh na dtáirgeoirí agus na n-oibreoirí a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagfar amach:

(a) na cineálacha iarratasóirí a fhéadfaidh cur isteach ar chosaint téarma traidisiúnta;

(b) coinníollacha bailíochta iarratais ar chosaint téarma traidisiúnta;

(c) na forais le haghaidh a dhéanamh i gcoinne aitheantais bheartaithe le haghaidh téarma traidisiúnta;

(d) raon feidhme na cosanta, an gaol le trádmharcanna, téarmaí traidisiúnta faoi chosaint, sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó tásca geografacha faoi chosaint, comhainmneacha, nó ainmneacha áirithe fionchaor;

(e) na forais le cealú téarma traidisiúnta;

(f) an dáta a gcuirfear isteach iarratas nó iarraidh ar agóid nó ar chealú;

(g) na nósanna imeachta atá le leanúint i ndáil le hiarratas ar chosaint téarma traidisiúnta, lena n-áirítear grinnscrúdú atá le déanamh ag an gCoimisiún, na nósanna imeachta agóide agus na nósanna imeachta maidir le cealú agus modhnú.

3. Chun na saintréithe sonracha saintréithe sonracha i dtrádáil idir an tAontas agus tríú tíortha áirithe a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos na coinníollacha faoina bhféadfar téarmaí traidisiúnta a úsáid ar tháirgí ó thríú tíortha agus lena bhforálfar do mhaoluithe ó Airteagal 112 agus Airteagal 113.

Airteagal 115

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

1. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síosna bearta riachtanacha maidir leis an nós imeachta le haghaidh scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint nó le haghaidh modhnú ar théarma traidisiúnta a fhorghnó, chomh maith leis an nós imeachta le haghaidh iarrataí ar agóid nó ar chealú, go háirithe maidir le:

- (a) teimpléid do dhoiciméid agus an fhoráid ina dtarchuirfear iad;
- (b) teorainneacha ama;
- (c) mionsonraí na bhfíoras, na fianaise agus na ndoiciméad tacaíochta atá le cur isteach chun tacú leis an iarratas nó leis an iarraidh;
- (d) rialacha mionsonraithe maidir le téarmaí traidisiúnta faoi chosaint a chur ar fáil don phobal.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena nglacfar le hiarratas ar chosaint téarma traidisiúnta nó lena ndiúltofar an t-iarratas sin nó lena nglacfar le hiarraidh ar mhodhnú an téarma faoi chosaint nó ar chosaint téarma traidisiúnta a chealú nó lena ndiúltofar an iarraidh sin.

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhmelena bhforáilfear go gcosnófar téarmaí traidisiúnta ar glacadh leis an iarratas ar chosaint ina leith, go háirithe trína n-aicmiú i gcomhréir le hAirteagal 112 agus trí shainmhíniú agus/nó na coinníollacha úsáide a fhoilsíú.

4. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1, mír 2 agus mír 3 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 116

Cumhachtaí eile cur chun feidhme

I gcás ina measfar agóid a bheith neamh-inghlactha, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena ndiúltofar ítoisc í a bheith neamh-inghlactha. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) a fheidhmiú.

Roinn 3

Lipéadú agus cur i láthair in earnáil an fhíona

Airteagal 117

Sainmhíniú

Chun críocha na Roinne seo:

- (a) ciallaíonn "lipéadú" aon fhocail, sonraí, trádmharcanna, ainm branda, ábhar pictiúrtha nó siombail a chuirtear ar aon phacáistiú, doiciméad, fógra, lipéad, fáinne nó coiléar a ghabhann le táirge faoi leith nó a thagraíonn dó;
- (b) ciallaíonn "cur i láthair" aon fhaisnéis a chuirtear in iúl do thomhaltóirí de bhua phacáistiú an táirge lena mbaineann, lena n-áirítear cruth agus cineál na mbuidéal.

Airteagal 118

Infheidhmeacht rialacha cothrománacha

Ach amháin nuair a fhoráiltear a mhalairt sa Rialachán seo, beidh feidhm ag Treoir 89/396/CEE ón gComhairle ⁽¹⁾, Treoir 2000/13/CE, Treoir 2007/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, Treoir 2008/95/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 maidir leis an lipéadú agus an cur i láthair.

Ní fheadfar cur le lipéadú na dtáirgí dá dtagraítear i bpointí 1 go 11, 13, 15 agus 16 de Chuid II d'Iarscríbhinn VII trí aon sonraíochtaí seachas iadsan dá bhforáiltear sa Rialachán seo mura gcomhlíonfaidh na sonraíochtaí sin riachtanais Threoir 2000/13/CE nó Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011.

Airteagal 119

Sonraí éigeantacha

1. Beidh na sonraí éigeantacha seo a leanas ar áireamh i lipéadú agus i gcur i láthair na dtáirgí dá dtagraítear i bpointí 1 go 11, 13, 15 agus 16 de Chuid II d'Iarscríbhinn VII agus a mhargaítear san Aontas nó atá le honnmhairiú:

- (a) an sonrúchán le haghaidh chatagóir an táirge fíniúna i gcomhréir le Cuid II d'Iarscríbhinn VII;
- (b) i gcomhair fíonta a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tasc geografach faoi chosaint acu:
 - (i) an téarma "sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint" nó "tasc geografach faoi chosaint";
 - (ii) ainm an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint;

⁽¹⁾ Treoir 89/396/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1989 maidir le tásca nó marcanna lena sainithnítear an luchtóg lena mbaineann earra bia (IO L 186, 30.6.1989, lch. 21).

⁽²⁾ Treoir 2007/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena leagtar síos na rialacha maidir le cainníochtaí ainmniúla táirgí réamhphacáilte, lena n-aisghairtear Treoir 75/106/CEE ón gComhairle agus Treoir 80/232/CEE ón gComhairle, agus lena leasaítear Treoir 76/211/CEE ón gComhairle (IO L 247, 21.9.2007, lch. 17).

- (c) an neart alcóil iarbhír de réir toirte;
- (d) tásca maidir le foinse;
- (e) tásca maidir leis an mbuidéaláí nó, i gcás fiona shúilínigh, fiona shúilínigh aeraithe, fiona shúilínigh ardchaighdeán, nó fiona shúilínigh aramataigh ardchaighdeán, ainm an táirgeora nó an díoltóra;
- (f) tásca maidir leis an allmhaireoir i gcás fionta allmhairithe;
- (g) i gcás fiona shúilínigh, fiona shúilínigh aeraithe, fiona shúilínigh ardchaighdeán, nó fiona shúilínigh aramataigh ardchaighdeán, tásca maidir leis an gcion siúcra.

2. De mhaolú ar mhír 1(a) féadfar an tagairt do chatagóir an táirge fíniúna a fhágáil ar lár i gcás fionta a bhfuil ainm sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó táisc gheografach faoi chosaint ar áireamh ar a lipéid.

3. De mhaolú ar mhír 1(b) féadfar an tagairt do na téarmaí "sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint" nó "tásca gheografach faoi chosaint" a fhágáil ar lár sna cásanna seo a leanas:

- (a) i gcás ina bhfuil téarma traidisiúnta atá i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 112 le feiceáil ar an lipéad i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge dá dtagraítear in Airteagal 94(2);
- (b) in imthosca eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo agus atá le cinneadh ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmilgthe a ghlacfar i gcomhréir le hAirteagal 227 chun go n-áiríteofar go gcomhlíontar cleachtais lipéadaithe atá ann cheana.

Airteagal 120

Sonraí roghnacha

1. Féadfaidh na sonraí roghnacha seo a leanas a bheith ar áireamh i lipéadú agus i gcur i láthair na dtáirgí dá dtagraítear i bpointí 1 go 11, 13, 15 agus 16 de Chuid II d'Iarscríbhinn VII:

- (a) bliain fhómhar an fhíona;
- (b) ainm chineál fionchaoire amháin nó níos mó;
- (c) i gcás fionta seachas na cinn dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 119(1), téarmaí lena léirítear an cion siúcra;
- (d) i gcás fionta a bhfuil sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó tásc gheografach faoi chosaint acu, téarmaí traidisiúnta i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 112;
- (e) siombail an Aontais lena léirítear an sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó an tásc gheografach faoi chosaint;

(f) téarmaí lena dtagraítear do mhodhanna áirithe táirgthe;

(g) i gcás fionta a bhfuil sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó tásc gheografach faoi chosaint acu, ainm aonaid gheografaigh eile atá níos lú nó níos mó ná an limistéar atá i gceist leis an sonrúcháin tionscnaimh nó an tásc gheografach.

2. Gan dochar d'Airteagal 100(3), maidir le húsáid na sonraí dá dtagraítear i mír 1(a) agus (b) den Airteagal seo i gcás fionta gan sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó tásc gheografach faoi chosaint:

- (a) tabharfaidh Ballstáit isteach dlíthe, rialacháin nó forálacha riaracháin lena áirithiú go mbeidh nósanna imeachta maidir le deimhniú, formheas agus fíorú ann lena ráthú gur fíor an fhaisnéis lena mbaineann;
- (b) féadfaidh Ballstáit, ar bhonn critéar neamh-idirdhealaitheach agus oibiachtúil agus aird chuí á tabhairt ar iomaíocht chothrom, liostaí de na cineálacha sin fionchaor a eisiatar a tharraingt suas i gcomhair fíona a tháirgtear ó chineálacha fionchaor ina gcríocha, sna cásanna seo a leanas go háirithe:
- (i) má tá riosca ann go gcuirfeadh mearbhall ar thomhaltóirí maidir le fíorthionscnaimh an fhíona toisc go bhfuil an cineál fionchaoire sin ina dhlúthchuid de shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó de thásca gheografach faoi chosaint atá ann cheana;
- (ii) más rud é nach mbeadh seiceálacha éifeachtach ó thaobh costais de toisc gur cuid an-bheag d'fhíonghort an Bhallstáit an cineál fionchaoire sin;

(c) ní chuirfeadh ainm an chineáil fionchaoire ar an lipéad má mheasctar fionta ó Bhallstáit éagsúla ach amháin má aontaíonn na Ballstáit lena mbaineann a mhalairt agus má áirithiúnn siad go bhfuil na nósanna imeachta ábhartha maidir le deimhniú, formheas agus fíorú indéanta.

Airteagal 121

Teangacha

1. Beidh na sonraí éigeantacha agus na sonraí roghnacha dá dtagraítear in Airteagal 119 agus Airteagal 120 le feiceáil i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais nó níos mó i gcás ina gcuirtear in iúl i bhfocail iad.

2. D'ainneoin mhír 1 beidh ainm sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó tásc gheografaigh faoi chosaint nó téarma traidisiúnta mar a thagraítear dóibh i bpointe (b) d'Airteagal 112 le feiceáil ar an lipéad sa teanga nó sna teangacha lena mbaineann an chosaint. I gcás sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó tásc gheografaigh faoi chosaint nó sonrúcháin shonraigh náisiúnta scríofa in aibítir nach aibítir Laidineach í, féadfar an t-ainm a thaispeáint freisin i gceann amháin nó níos mó de theangacha oifigiúla an Aontais.

*Airteagal 122***Cumhachtaí tarmligthe**

1. Chun saintréithe sonracha na hearnála fíona a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir le rialacha agus srianta i dtaca leis an méid seo a leanas:

- (a) cur i láthair agus úsáid sonraí lipéadaithe seachas na cinn dá bhforáiltear sa Roinn seo;
 - (b) sonraí éigeantacha maidir le:
 - (i) téarmaí atá le húsáid chun na sonraí éigeantacha agus coinníollacha úsáide na sonraí sin a fhoirmliú;
 - (ii) téarmaí lena dtagraítear do ghabháltas agus coinníollacha úsáide na dtéarmaí sin;
 - (iii) forálacha lena dtugtar údarú do na Ballstáit táirgeora rialacha breise maidir le sonraí éigeantacha a leagan síos;
 - (iv) forálacha lena n-údaráítear maoluithe breise i dteannta na maoluithe dá dtagraítear in Airteagal 119(2) maidir leis an tagairt do chatagóir an táirge fíniúna a fhágáil ar lár; agus
 - (v) forálacha ar úsáid teangacha;
 - (c) sonraí roghnacha maidir le:
 - (i) téarmaí atá le húsáid chun na sonraí roghnacha agus coinníollacha úsáide na sonraí sin a fhoirmliú;
 - (ii) forálacha lena dtugtar údarú do na Ballstáit táirgeora rialacha breise maidir le sonraí roghnacha a leagan síos;
 - (d) an cur i láthair:
 - (i) coinníollacha úsáide cruthanna áirithe buidéal, agus liosta de chruthanna sonracha buidéal ar leith;
 - (ii) coinníollacha úsáide buidéal agus iamh den chineál a úsáidtear i gcomhair fíona shúilínigh;
 - (iii) forálacha lena dtugtar údarú do na Ballstáit táirgeora rialacha breise maidir le cur i láthair a leagan síos;
 - (iv) forálacha ar úsáid teangacha;
2. Chun cosaint leasanna dlisteanacha na n-oibreoirí a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir le lipéadú agus cur i láthair sealadach fionta a bhfuil sonrúchán tionscnaimh nó tásca geografach acu, i gcás ina gcomhlíonann an sonrúchán tionscnaimh nó an tásca geografach sin na ceanglais is gá.

3. Chun leasanna dlisteanacha na n-oibreoirí a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir le forálacha idirthréimhseacha maidir le fionta a chuirtear ar an margadh agus atá lipéadaithe i gcomhréir leis na rialacha ábhartha a bhí i bhfeidhm roimh an 1 Lúnasa 2009.

4. Chun na saintréithe sonracha saintréithe sonracha i dtrádáil idir an tAontas agus tríú tíortha áirithe a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir le maoluithe ón Roinn seo i ndáil le táirgí atá le honnmhairiú i gcás ina gceanglaítear sin le dlí an tríú tír lena mbaineann.

*Airteagal 123***Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin**

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leagtar síos na bearta riachtanacha maidir leis na nósanna imeachta agus na critéir theicniúla is infheidhme maidir leis an Roinn seo, lena n-áirítear na bearta riachtanach do na nósanna imeachta deimhniúcháin, formheasta agus fíoraithe atá infheidhme maidir le fionta nach bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásca geografach faoi chosaint acu. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

*CAIBIDIL II***Forálacha sonracha d'earnálacha indibhidiúla****Roinn 1****Siúcra***Airteagal 124***Fad**

Cé is moite d'Airteagal 125 agus Airteagal 126, beidh feidhm ag an Roinn seo go dtí deireadh na bliana margaíochta 2016/2017.

Foroinn 1**Bearta sonracha***Airteagal 125***Comhaontuithe in earnáil an tsiúcra**

1. Is trí chomhaontuithe scríofa a dhéanfar laistigh den earnáil idir, ar lámh amháin, saothraithe Aontais biatais siúcra agus siúcra cána, nó na heagraíochtaí a bhfuil ballraíocht acu iontu a ndéanfar thar a son iad, agus, ar an lámh eile, gnóthais siúcra Aontais nó na heagraíochtaí a bhfuil ballraíocht acu iontu a ndéanfar thar a son iad, a rialófar na téarmaí maidir le ceannach biatais siúcra agus siúcra cána, lena n-áirítear conarthaí réamhchurtha seachadta.

2. Comhaontuithe a dhéanfar laistigh den earnáil faoi mar atá tuairisc orthu i bpointe 6 de Roinn A de Chuid II d'Iarscríbhinn II, tabharfaidh na gnóthais fógra fúthu d'údarais iniúla an Bhallstáit ina dtáirgeann siad siúcra.

3. Amhail ón 1 Deireadh Fómhair 2017, beidh na comhaontuithe a dhéanfar laistigh den earnáil i gcomhréir leis na téarmaí ceannaigh atá leagtha síos in Iarscríbhinn X.

4. Chun saintréithe sonracha earnáil an tsíúcra agus forbairt na hearnála sa tréimhse i ndiaidh dheireadh na gcúotaí táirgeachta a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 le go ndéanfaí an méid seo a leanas:

- (a) nuashonrú na dtéarmaí dá dtagraítear i Roinn A de chuid II d'Iarscríbhinn II;
- (b) nuashonrú na dtéarmaí ceannaigh do bhiaitais dá dtagraítear in Iarscríbhinn X;
- (c) tuilleadh rialacha a leagan síos maidir le cinntí i dtaca le hollmhéachan, táir agus cion síúcra biaitais síúcra a sheachadtar chuig gnóthas chomh maith le rialacha maidir le laíon biaitais.

5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na bearta is gá maidir le cur i bhfeidhm an Airteagail seo, lena n-áirítear maidir le nósanna imeachta, fógraíocht, agus cúnaimh riaracháin i gcás comhaontuithe a dhéantar laistigh den earnáil lena gcumhdaítear níos mó ná Ballstát amháin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 126

Tuairisciú praghsanna i margadh an tsíúcra

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear córas chun praghsanna i margadh an tsíúcra a thuairisciú, lena n-áirítear socrúithe chun leibhéal na bpraghsanna don mhargadh sin a fhoilsiú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Beidh an córas dá dtagraítear sa chéad fhomhír bunaithe ar fhaisnéis a sholáthraíonn gnóthais a tháirgeann síúcra bán nó oibreoirí eile a bhfuil baint acu le trádáil síúcra. Déileálfar leis an bhfaisnéis seo mar fhaisnéis rúnda.

Áiritheoidh an Coimisiún nach bhfoilseofar praghsanna ar leith nó ainmneacha oibreoirí eacnamaíochta aonair.

Foroinn 2

Na ceanglais is infheidhme maidir le hearnáil an tsíúcra le linn na tréimhse dá dtagraítear in airteagal 124

Airteagal 127

Conarthaí seachadta

1. I dteannta na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 125(1), beidh na comhaontuithe a dhéanfar laistigh den earnáil i gcomhréir leis na téarmaí ceannaigh atá leagtha síos in Iarscríbhinn XI.

2. I gconarthaí seachadta, déanfar idirdhealú de réir ábhar an bhiaitais síúcra óna ndéanfar na cainníochtaí síúcra a tháirgeadh, mar a leanas:

- (a) síúcra cuóta;
- (b) síúcra lasmuigh den chuóta.

3. Cuirfidh gach gnóthas síúcra an fhaisnéis seo a leanas ar fáil don Bhallstát ina dtáirgeann sé an síúcra:

- (a) na cainníochtaí biaitais dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1a dá bhfuil conarthaí réamhchurtha seachadta déanta acu agus an cion síúcra a bhfuil na conarthaí sin bunaithe air;
- (b) an táirgeacht chomhfhreagrach mheasta.

Féadfaidh faisnéis bhreise a bheith ag teastáil ó Bhallstáit.

4. Maidir le gnóthais síúcra nach bhfuil conarthaí réamhchurtha seachadta sínithe acu ar an bpraghas íosta i gcomhair biaitais chuóta, dá dtagraítear in Airteagal 135, le haghaidh cainníochta biaitais atá cothrom leis an méid síúcra a bhfuil cuóta acu dó, arna choigeartú, de réir an cháis, leis an gcomhéifeacht i gcomhair tarraingt siar choisctheach atá socraithe de bhun na chéad fomhíre d'Airteagal 130(2), beidh sé de cheangal ar na gnóthais sin an praghas íosta ar a laghad i gcomhair biaitais chuóta a íoc i gcomhair an bhiaitais síúcra go léir a ndéanfaidh siad a phróiseáil ina shíúcra.

5. Féadfaidh comhaontuithe laistigh den earnáil maolú ar mhír 2, ar mhír 3 agus ar mhír 4, faoi réir fhormheas an Bhallstáit lena mbaineann.

6. Mura bhfuil aon chomhaontuithe ann laistigh den earnáil, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá, arb iad na bearta atá ag luí leis an Rialachán seo, chun leas na bpáirtithe lena mbaineann a chosaint.

Airteagal 128

Muirear táirgthe

1. Gearrfar muirear táirgthe ar an gcúota síúcra, ar an gcúota iseaghlúcis agus ar chuóta na síoróipe ionúiline atá ag gnóthais a tháirgeann síúcra, iseaghlúcis nó síoróip ionúiline ar cuótaí iad dá dtagraítear in Airteagal 136(2).

2. Is í an Chomhairle a dhéanfaidh na bearta le go socrófar an muirear táirgthe, i gcomhréir le hAirteagal 43(3) CFAE, le haghaidh an tsíúcra cuóta, an iseaghlúcis cuóta, agus an tsíoróip ionúiline cuóta dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 129

Aisíocaíocht ar tháirgeadh

1. Féadfar aisíocaíocht ar tháirgeadh a dheonú i gcás táirgí earnáil an tsíúcra atá liostaithe i bpointí (b) go (e) de Chuid III d'Iarscríbhinn I más rud é nach bhfuil síúcra barrachais nó síúcra allmhairithe, iseaghlúcis barrachais, nó síoróip ionúiline bharrachais ar fáil ar phraghas atá comhfhreagrach leis an bpraghas domhanda chun na táirgí dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (c) den dara fhomhír d'Airteagal 140(2) a mhonarú.

2. Is í an Chomhairle a dhéanfaidh na bearta maidir leis an aisíocaíocht ar tháirgeadh dá dtagraítear i mír 1 a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 43(3) CFAE.

Airteagal 130

Tarraingt siar siúcra

1. Ionas go seachnófaí titim sna praghsanna sa mhargadh inmheánach agus go ndéanfar cásanna rótháirgthe a réiteach bunaithe ar réamh-mheastachán ar chothroime an tsoláthair, agus gealltanais an Aontais a thagann ó chomhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích i gcomhréir le CFAE á gcur san áireamh, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena n-aistarraingítear ón margadh, do bhliain mhargaíochta tugtha, na cainníochtaí siúcra nó iseaghlúcóis sin arna dtáirgeadh faoi chuótaí lena sáraítear an tairseach arna ríomh i gcomhréir le mír 2.

2. Déanfar an tairseach maidir le tarraingt siar dá dtagraítear i mír 1 a ríomh, i gcomhair gach gnóthas a bhfuil cuóta aige, trína chuóta a mhéadú faoi chomhéifeacht. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena socraítear an chomhéifeacht sin do bhliain mhargaíochta tráth nach déanaí ná an 28 Feabhra den bhliain mhargaíochta roimhe sin, bunaithe ar threochtaí ionchais an mhargaidh.

Ar bhonn treochtaí an mhargaidh a bheith tugtha cothrom le dáta, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, faoin 31 Deireadh Fómhair sa bhliain mhargaíochta lena mbaineann, lena ndéanfar an chomhéifeacht a choigeartú, nó, i gcás nár socraíodh comhéifeacht de bhun na chéad fomhíre, lena socrófar an chomhéifeacht.

3. Maidir le gach gnóthas a bhfuil cuóta aige siúcra arna tháirgiú faoin gcúta atá os cionn na tairsí arna ríomh de réir mhír 2 a stóráil ar a gcostas féin go tús na bliana margaíochta dár gcionn. Glacfar leis na cainníochtaí siúcra, iseaghlúcóis, nó síoróipe ionúiline a dhéantar a tharraingt siar le linn bliana margaíochta mar na chéad chainníochtaí a tháirgfear faoi chuóta na bliana margaíochta dár gcionn.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, agus treochtaí ionchais an mhargaidh shiúcra á gcur san áireamh, ar gníomhartha iad lena bhforáilfear, i gcás na bliana margaíochta reatha, na bliana margaíochta dár gcionn, nó an dá bhliain margaíochta, go meafar an siúcra, an t-iseaghlúcóis nó an tsíoróip ionúiline go léir a tarraingíodh siar nó cuid díobh mar a leanas:

- (a) mar shiúcra barrachais, mar iseaghlúcóis barrachais nó mar shíoróip ionúiline barrachais chun go ndéanfar siúcra tionsclaíoch, iseaghlúcóis tionsclaíoch nó síoróip ionúiline thionsclaíoch díobh; nó
- (b) mar tháirgeadh sealadach cuóta ar féidir cuid de a fhorchoimeád lena honnmhairiú agus gealltanais an Aontais á n-urramú, ar gealltanais iad a thagann ó chomhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích i gcomhréir le CFAE.

4. Más rud é nach bhfuil an soláthar siúcra san Aontas leordhóthanach, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun

feidhme a ghlacadh lena ligtear cainníocht áirithe siúcra a tarraingíodh siar a dhíol ar mhargadh an Aontais roimh dheireadh na tréimhse tarraingthe siar.

5. I gcás ina nglactar le siúcra a tarraingíodh siar mar chéad tháirgeadh siúcra na bliana margaíochta dár gcionn, is é praghas íosta na bliana margaíochta sin, dá dtagraítear in Airteagal 135 a íocfar leis na saothraithe biatais.

I gcás ina ndéantar siúcra tionsclaíoch de shiúcra a tarraingíodh siar nó ina n-onnmhairítear é i gcomhréir le pointe (a) agus pointe (b) den dara fhomhír de mhír 3 den Airteagal seo, ní bheidh feidhm ag ceanglais Airteagal 135 maidir leis an bpraghas íosta.

I gcás ina ndíoltar siúcra a tarraingíodh siar ar mhargadh an Aontais roimh dheireadh na tréimhse tarraingthe siar i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo, is é praghas íosta na bliana margaíochta reatha a íocfar leis na saothraithe biatais.

6. Déanfar gníomhartha cur chun feidhme de bhun an Airteagail seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 131

Sásra maidir le bainistiú sealadach ar an margadh

1. Le linn na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 124, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na bearta is gá a ghlacadh d'fhonn a áirithiú go mbeidh soláthar leordhóthanach siúcra ag dul isteach i margadh an Aontais. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Leis na bearta sin féadfar coigeartú a dhéanamh, don chainníocht agus don tréimhse ama is gá, ar leibhéal an dleachta is iníochta ar shiúcra amh allmhairithe.

I gcomhthéacs an sásra maidir le bainistiú sealadach ar an margadh, glactar bearta maidir leis an tobhach barrachais ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 43(3) CFAE.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena gcinnfear chainníocht iomchuí de shiúcra lasmuigh den chuóta agus de shiúcra amh allmhairithe arbh fhéidir í a chur ar mhargadh an Aontais. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 132

Cumhachtaí tarmligthe

D'fhonn saintréithe sonracha earnaíl an tsiúcra a chur san áireamh agus d'fhonn a áirithiú go gcuirfear leas na bpáirtithe go léir san áireamh mar is cuí, agus ó tharla gur gá aon suaitheadh sa mhargadh a chosc, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227, maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) téarmaí ceannaighagus conarthaí seachadta dá dtagraítear in Airteagal 127;

(b) nuashonrú na dtéarmaí ceannaigh le haghaidh biatais dá dagraítear in Iarscríbhinn XI;

(c) na critéir sin atá le cur i bhfeidhm ag gnóthais siúcra nuair atá cainníochtaí biatais atá le cumhdach ag conarthaí réamhchurtha seachadta dá dtagraítear in Airteagal 127(3) á leithdháileadh i measc díoltóirí biatais.

Airteagal 133

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na bearta is gáchun an Fhoroinn seo a chur i bhfeidhm, ar bearta iad a bhaineann le nósanna imeachta, ábhar agus critéir theicniúla.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

Foroinn 3

Córas um tháirgeadh a rialú

Airteagal 134

Cuótaí in earnáil an tsíúcra

1. Beidh feidhm ag córas cuótaí maidir le siúcra, iseaghlúcós agus síoróip ionúiline.

2. Maidir leis an gcóras chuótaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, i gcás ina sáraíonn táirgeoir an cuóta ábhartha agus nach mbaineann sé leas as na cainníochtaí barrachais dá bhforáiltear in Airteagal 139, beidh tobhach barrachais iníoctha ar a leithéid de chainníochtaí, faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach in Airteagal 139 go Airteagal 142.

Airteagal 135

Praghas íosta an bhiatais

Déanfaidh an Chomhairle praghas íosta an bhiatais chuóta a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 43(3) CFAE.

Airteagal 136

Leithdháileadh cuótaí

1. Tá na cuótaí maidir le táirgeadh siúcra, iseaghlúcós agus síoróipe ionúiline ar leibhéal náisiúnta nó réigiúnach socraithe in Iarscríbhinn XII.

2. Déanfaidh na Ballstáit cuóta a leithdháileadh ar gach gnóthas a tháirgeann siúcra, iseaghlúcós agus síoróip ionúiline atá bunaithe ar a chríoch agus atá formheasta faoi Airteagal 137.

Maidir le gach gnóthas, beidh an cuóta a leithdháilfear air cothrom leis an gcuóta a leithdháileadh ar an gnóthas don

bhliain mhargaíochta 2010/2011 faoi Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007.

3. I gcás ina leithdháilfear cuóta ar ghnóthas siúcra a bhfuil breis agus aonad táirgthe amháin aige, glacfaidh na Ballstáit na bearta a mheasann siad a bheith riachtanach chun leas saothraithe biatais siúcra agus saothraithe cána siúcra a chur san áireamh go cuí.

Airteagal 137

Gnóthais fhormheasta

1. Tabharfaidh Ballstáit formheas, arna iarraidh sin, do ghnóthas a tháirgeann siúcra, iseaghlúcós nó síoróip ionúiline nó do ghnóthas a phróiseálann na táirgí sin agus a dhéanann táirgí díobh atá ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 140(2) ar choinníoll:

(a) go gcruthaíonn an gnóthas go bhfuil an cumas gairmiúil aige é a tháirgeadh;

(b) go gcomhaontaíonn an gnóthas go gcuirfidh sé aon fhaisnéis ar fáil agus go mbeidh sé faoi réir na rialuithe a bhaineann leis an Rialachán seo;

(c) nach bhfuil an gnóthas faoi réir fhionraíocht nó tharraingt siar an fhormheasa.

2. Cuirfidh na gnóthais fhormheasta an fhaisnéis seo a leanas ar fáil don Bhallstát ina ndéantar an biatas nó an cána a bhaint nó ina ndéantar an mínghlánadh:

(a) na cainníochtaí biatais nó cána ar tugadh conarthaí soláthair i gcrích ina leith, mar aon le táirgeacht mheasta chomhfhreagrach an bhiatais nó an cána, agus an tsíúcra in aghaidh an heicteáir;

(b) sonraí maidir le seachadtaí sealadacha agus iarbhir biatais siúcra, cána siúcra agus siúcra amh, chomh maith le sonraí faoi tháirgeadh siúcra agus ráitis faoi stoic siúcra;

(c) na cainníochtaí siúcra bháin a díoladh agus na praghsanna agus na coinníollacha comhfhreagracha.

Airteagal 138

Ath-leithdháileadh na gcuótaí náisiúnta agus laghdú cuótaí

1. Féadfaidh Ballstát an cuóta siúcra nó iseaghlúcós a leithdháiltear ar ghnóthas atá bunaithe ar a chríoch a laghdú faoi suas le 10 %. Cuirfidh na Ballstáit critéir oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha i bhfeidhm chuige sin.

2. Féadfaidh Ballstáit cuótaí a aistriú idir gnóthais i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha síos in Iarscríbhinn XIII agus leas gach ceann de na páirtithe lena mbaineann a chur san áireamh go háirithe saothraithe biatais siúcra agus cána siúcra.

3. Déanfaidh an Ballstát atá i gceist na cainníochtaí a laghdaíodh de bhun mhír 1 agus mhír 2 a leithdháileadh ar ghnóthas amháin nó níos mó ina chríocha, bíodh cuóta acu nó ná bíodh.

*Airteagal 139***Táirgeadh lasmuigh den chuóta**

1. Féadfar an siúcra, an iseaghlúcós nó an tsíoróip ionúiline a tháirgtear i rith bliana margaíochta os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 136:

- (a) a úsáid chun táirgí áirithe dá dtagraítear in Airteagal 140 a phróiseáil;
- (b) a thabhairt ar aghaidh chuig táirgeadh cuóta na chéad bliana margaíochta eile i gcomhréir le hAirteagal 140;
- (c) a úsáid i gcomhair na socrúithe sonracha soláthair i gcomhair na limistéar is forimeallaí, i gcomhréir le Caibidil III de Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾;
- (d) a onnmhairiú laistigh den teorainn chainníochta atá le socrú ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ag urramú na ngealltanais a thagann ó chomhaontuithe náisiúnta a tugadh i gcrích i gcomhréir le CFAE; nó
- (e) a chur ar fáil ar an margadh inmheánach, i gcomhréir leis an sásra a thuairiscítear in Airteagal 131 chun críocha an soláthair a chur in oiriúint don éileamh bunaithe ar an réamh-mheastachán ar chothroime an tsoláthair.

Cuirfear na bearta dá dtagraítear i bpointe (e) den chéad mhír den Airteagal seo chun feidhme sula ndéanfar gníomhachtú ar na bearta chun suaitheadh sa mhargadh a chosc dá dtagraítear in Airteagal 219(1).

Beidh cainníochtaí eile faoi réir an tobhaigh bharrachais dá dtagraítear in Airteagal 142.

2. Déanfar gníomhartha cur chun feidhme de bhun anAirteagail seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

*Airteagal 140***Siúcra tionsclaíoch**

1. Forchoimeádfar siúcra tionsclaíoch, iseaghlúcós tionsclaíoch nó síoróip ionúiline thionsclaíoch chun ceann de na táirgí dá dtagraítear i mír 2 a tháirgeadh sna cásanna seo a leanas:

- (a) nuair atá sé faoi réir conartha sheachadta a tugadh i gcrích roimh dheireadh na bliana margaíochta idir táirgeoir agus úsáideoir ar tugadh formheas dóibh araon i gcomhréir le hAirteagal 137; agus
- (b) nuair a seachadadh é chuig an úsáideoir an 30 Samhain na bliana margaíochta dár gcionn ar a dhéanaí.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas agus lena naisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 ón gComhairle (IO L 78, 20.3.2013, lch. 23).

2. D'fhonn forbairtí teicniúla a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227, lena mbunófar liosta táirgí a bhféadfar siúcra tionsclaíoch, iseaghlúcós tionsclaíoch nó síoróip ionúiline thionsclaíoch a úsáid lena dtáirgeadh.

Áireofar go háirithe ar an liosta sin:

- (a) bitheatánól, alcól, rum, giosta beo agus cainníochtaí síoróipe lena leathadh agus iad siúd atá le próiseáil chun "Rinse appelstroop" a dhéanamh díobh;
- (b) táirgí tionsclaíocha áirithe nach bhfuil siúcra iontu ach a n-úsáidtear siúcra, iseaghlúcós nó síoróip ionúiline lena bpróiseáil;
- (c) táirgí áirithe de chuid an tionscail cheimicigh nó an tionscail chógaisíochta a bhfuil siúcra, iseaghlúcós nó síoróip ionúiline iontu.

*Airteagal 141***Barrachas siúcra a thabhairt ar aghaidh**

1. Féadfaidh gach gnóthas cinneadh a dhéanamh an méid a rótháirgeadh sa bhreis ar a chuóta siúcra, a chuóta iseaghlúcóis nó a chuóta síoróipe ionúiline, nó cuid den táirgeadh sin, a thabhairt, chun go gcaithfear leis mar chuid de tháirgeadh na chéad bliana margaíochta eile. Gan dochar do mhír 3, cinneadh neamh-inchúlghairthe a bheidh sa chinneadh sin.

2. Maidir leis na gnóthais a dhéanann an cinneadh dá dtagraítear i mír 1:

- (a) cuirfidh siad an Ballstát lena mbaineann ar an eolas faoi roimh dháta a bheidh le cinneadh ag an mBallstát sin:
 - (i) idir an 1 Feabhra agus an 31 Lúnasa na bliana margaíochta reatha i gcás cainníochtaí siúcra cána atá á dtabhairt ar aghaidh;
 - (ii) idir an 1 Feabhra agus an 31 Lúnasa na bliana margaíochta reatha i gcás cainníochtaí eile siúcra biatais nó síoróipe ionúiline atá á dtabhairt ar aghaidh;
- (b) tabharfaidh siad gealltanais na cainníochtaí sin a stóráil ar a gcostas féin go deireadh na bliana margaíochta reatha.

3. Má tharlaíonn sé gur lú táirgeadh cinntitheach gnóthais sa bhliain mhargaíochta lena mbaineann ná an meastachán a rinneadh nuair a rinneadh cinneadh de réir mhír 1, féadfar an chainníocht a thabharfar ar aghaidh a choigeartú go siarghabhálach faoin 31 Deireadh Fómhair na bliana margaíochta dár gcionn.

4. Measfar gurb iad na cainníochtaí a thabharfar ar aghaidh na chéad chainníochtaí a tháirgfear faoi chuóta na bliana margaíochta dár gcionn.

5. Ní fhéadfaidh siúcra a stóráiltear i gcomhréir leis an Airteagal seo le linn bliana margaíochta a bheith faoi réir aon bhearta stórála eile dá bhforáiltear in Airteagal 16 nó in Airteagal 130.

Airteagal 142

Tobhach barrachais

1. Gearrfar tobhach barrachais ar chainníochtaí díobh seo a leanas:

- (a) siúcra barrachais, iseaghlúcós barrachais agus síoróip ionúiline bharrachais a tháirgfear i rith bliana margaíochta ar bith, ach amháin i gcás cainníochtaí a thabharfar ar aghaidh chuig táirgeadh cuóta na bliana margaíochta dár gcionn agus a stórálfar i gcomhréir le hAirteagal 141 nó cainníochtaí dá dtagraítear i bpointí (c), (d) agus (e) den chéad fhomhír d'Airteagal 139(1);
- (b) siúcra tionsclaíoch, iseaghlúcós tionsclaíoch nó síoróip ionúiline thionsclaíoch nár tugadh aon chruthúnas, laistigh den teorainn ama atá le socrú ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha chur chun feidhme, gur úsáideadh iad i gceann de na táirgí dá dtagraítear in Airteagal 140(2);
- (c) siúcra, iseaghlúcós agus síoróip ionúiline a tarraingíodh siar ón margadh i gcomhréir le hAirteagal 130 agus nach gcomhlíontar na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 130(3) ina leith.

Glacfar gníomhartha cur chun feidhme de bhun phointe (b) den chéad fhomhír i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

2. Is í an Chomhairle a dhéanfaidh na bearta maidir le tobhach barrachais dá dtagraítear in mír 1 a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 43(3) CFAE.

Airteagal 143

Cumhachtaí tarmligthe

1. D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh na gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 137 a n-oibleagáidí, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227, lena leagtar síos rialacha maidir le formheas a dheonú do na gnóthais sin agus a tharraingt siar uathu, chomh maith leis na critéir le haghaidh pionóis riaracháin.

2. D'fhonn saintréithe sonracha earnáil an tsíúcra a chur san áireamh agus d'fhonn a áirithiú go gcuirfear leas na bpáirtithe go léir san áireamh mar is cuí, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir le brí na dtéarmaí le haghaidh oibriú an chórais cuótaí agus lena leagtar síos na coinníollacha lena rialaítear díolacháin chuig na réigiúin is forimeallaí.

3. Chun a áirithiú go mbeidh dlúthbhaint ag na saothraithe le cinneadh cainníocht áirithe den táirgeadh a thabhairt ar

aghaidh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227, lena leagtar síos rialacha maidir le siúcra a thabhairt ar aghaidh.

Airteagal 144

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Maidir leis na gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 137, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, lena mbunaítear rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) iarratais ar fhorpheas ó ghnóthais, na taifid atá le coinneáil ag gnóthais fhorpheasta, an fhaisnéis atá le tíolacadh ag gnóthais fhorpheasta;
- (b) an córas seiceálacha atá le déanamh ag na Ballstáit ar ghnóthais fhorpheasta;
- (c) an chumarsáid a dhéanann na Ballstáit leis an gCoimisiún agus le gnóthais fhorpheasta;
- (d) seachadadh amhábhbar, lena n-áirítear conarthaí seachadta agus nótaí seachadta, ar ghnóthais;
- (e) comhionannas i dtaca le siúcra dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 139(1);
- (f) na socruithe sonracha soláthair do na réigiúin is forimeallaí;
- (g) onnmhairí dá dtagraítear i bpointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 139(1);
- (h) comhar idir Bhallstáit chun seiceálacha éifeachtacha a áirithiú;
- (i) na dátaí atá leagtha síos in Airteagal 141 do bhlianta margaíochta sonracha a mhodhnú;
- (j) chun an chainníocht bharrachais, an chumarsáid agus fócaíocht an tobhaigh bharrachais dá dtagraítear in Airteagal 142 a leagan síos.
- (k) glacadh liosta de scagairí lánaimseartha laistigh de bhrí phointe 6 de Roinn B de Chuid II d'Iarscríbhinn II.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Roinn 2

Fíon

Airteagal 145

Clár agus fardal ar acmhainn táirgthe fíonghort

1. Coimeádfaidh Ballstáit clár fíonghort ina mbeidh faisnéis atá cothrom le dáta maidir leis an acmhainneacht táirgthe. Ón 1 Eanáir 2016 ní bheidh feidhm ag an oibleagáid sin ach amháin i gcás go gcuireann na Ballstáit an scéim d'údaruithe i gcomhair planduithe finíúnacha dá dtagraítear i gCaibidil III de Theideal I i bhfeidhm nó go gcuireann siad clár náisiúnta tacaíochta i bhfeidhm.

2. Go dtí an 31 Nollaig 2015, maidir le Ballstáit ar lú ná 500 heicteár an limistéar iomlán iontu atá faoi fhíniúnacha de chineálacha fionchaor atá aicmithe i gcomhréir le hAirteagal 81(2), ní bheidh siad faoi réir na hoibleagáide atá leagtha síos i mír 1 den Airteagal seo.

3. Ballstáit a dhéanann foráil ina gclár thacaíochta d'athstruchtúrú agus athchóiriú fíonghort i gcomhréir le hAirteagal 46, déanfaidh siad fardal uasdátaithe, ar bhonn an chláir fíonghort, dá n-acmhainneacht táirgthe a thíolacadh don Choimisiún faoin 1 Márta gach bliain. Amhail ón 1 Eanáir 2016, is de bhíthin gníomhartha chur chun feidhme a leagfar síos ag an Coimisiún na sonraí maidir le teachtaireachtaí chuig an gCoimisiún maidir le limistéir fionsaothrúcháin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2)

4. Chun gur fusa do na Ballstáit faireachán agus fíorú a dhéanamh ar acmhainneacht táirgthe, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 i dtaca le rialacha maidir le hábhar an chláir fíonghort agus maidir le díolúintí a ghabhann leis.

Airteagal 146

Údarais náisiúnta inniúla le haghaidh earnáil an fhíona

1. Gan dochar d'aon fhorálacha eile den Rialachán seo maidir le húdarais náisiúnta inniúla a chinneadh, ceapfaidh na Ballstáit údarás amháin nó níos mó a bheidh freagrach as comhlíonadh rialacha an Aontais a áirithiú in earnáil an fhíona. Go háirithe, ceapfaidh na Ballstáit na saotharlanna atá údaraithe chun anailís oifigiúil a dhéanamh in earnáil an fhíona. Comhlíonfaidh na saotharlanna atá ceaptha na critéir ghinearálta atá leagtha amach in ISO/IEC 17025 maidir le hoibriú saotharlann.

2. Cuirfidh na Ballstáit ainmneacha agus seoltaí na n-údarás agus na saotharlann dá dtagraítear i mír 1 in iúl don Choimisiún. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil don phobal agus tabharfaidh sé cothrom le dáta í ó am go chéile.

Airteagal 147

Doiciméid faoi iamh agus clár

1. Cuirfear táirgí earnáil an fhíona i gcúrsaíocht laistigh den Aontas mar aon le doiciméad atá údaraithe go hoifigiúil ag gabháil leo.

2. Maidir le daoine nádúrtha nó dlítheanacha nó grúpaí daoine a bhfuil a gcuid trádála á feidhmiú acu ar cuid de táirgí atá ina seilbh atá cumhdaithe faoi earnáil an fhíona, go háirithe táirgeoirí, buidéalaithe, próiseálaithe agus ceannaithe, coimeádfaidh siad cláir isteach agus cláir amach i dtaobh na dtáirgí sin.

3. Chun gur fusa do na Ballstáit táirgí fíona a iompar agus a fhíorú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) rialacha maidir leis an doiciméad faoi iamh agus a úsáid;

(b) na coinníollacha faoina measfar go ndeimhnítear sonrúcháin tionscnaimh nó tásca geografacha faoi chosaint le doiciméad faoi iamh;

(c) oibleagáid clár a choimeád agus úsáid an chláir sin;

(d) cé a bhfuil sé de cheangal air clár a choimeád agus díolúintí ón oibleagáid sin;

(e) na hoibriúcháin atá le bheith ar áireamh sa chlár.

4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear:

(a) rialacha maidir le comhdhéanamh na gcháir, na táirgí atá le bheith sa chlár, spriocanna d'iontrálacha i gclár agus clabhsúr clár;

(b) bearta lena gcuirtear de cheangal ar hBallstáit na céatadáin uasta is inghlactha i gcomhair cailleanas a chinneadh;

(c) forálacha ginearálta agus idirthréimhseacha do choimeád clár;

(d) rialacha lena gcinntear cá fhad a bhfuil doiciméid faoi iamh agus cláir le coimeád.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Roinn 3

Bainne agus táirgí bainne

Airteagal 148

Caidreamh conarthach in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne

1. I gcás ina gcinntídh Ballstát nach mór gach seachadadh bainne amh a dhéantar ar a chríoch ag feirmeoir ar phróiseálaí bainne amh a chumhdach le conradh scríofa idir na páirtithe, agus/nó go gcinntídh sé nach mór do chéad-cheannaitheoirí tairiscint i scríbhinn a dhéanamh chun conradh maidir le bainne amh a bheith á sheachadadh ag na feirmeoirí, comhlíonfaidh conradh den sórt sin agus/nó tairiscint den sórt sin na coinníollacha a leagtar síos i mír 2.

I gcás ina gcinntídh Ballstát nach mór seachadtaí bainne ag feirmeoir ar phróiseálaí bainne amh a chumhdach le conradh i scríbhinn idir na páirtithe, cinntídh sé freisin cé acu céim nó céimeanna an tseachadta a bheidh cumhdaithe ag an gconradh sin má dhéantar seachadadh an bhainne amh trí bhailitheoir amháin nó níos mó ná sin.

Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn 'bailitheoir' gnóthas a iompraíonn bainne amh ó fheirmeoir nó ó bhailitheoir eile chuig próiseálaí bainne amh nó chuig bailitheoir eile, i gcás ina n-aistrítear úinéireacht an bhainne amh i ngach cás.

2. Maidir leis an gconradh agus/nó an tairiscint ar chonradh dá dtagraítear i mír 1:

- (a) déanfar é roimh an seachadadh,
- (b) déanfar i scríbhinn é, agus
- (c) áireofar ann, go háirithe, na gnéithe seo a leanas:
 - (i) an praghas is iníoctha ar an seachadadh, ar praghas é:
 - a bheidh seasta agus a leagfar amach sa chonradh, agus/nó
 - a ríomhfar trí thosca éagsúla a chur le chéile a bheidh leagtha amach sa chonradh, a bhféadfadh táscairí margaidh a bheith san áireamh iontu lena léirítear athruithe i gcoinníollacha an mhargaidh, an toirt arna seachadadh agus cáilíocht nó comhshuíomh an bhainne amh arna sheachadadh,
 - (ii) toirt an bhainne amh a fhéadfar a sheachadadh agus/nó nach mór a sheachadadh agus uainiú na seachadtaí sin,
 - (iii) fad an chonartha, a bhféadfaidh fad cinnte nó éiginnte le clásail foircinn a bheith i gceist leis,
 - (iv) mionsonraí maidir le tréimhsí íocaíochta agus nósanna imeachta,
 - (v) socruithe maidir leis an mbainne amh a bhailiú nó a sheachadadh, agus
 - (vi) na rialacha is infheidhme i gcás force majeure.

3. De mhaolú ar mhír 1, ní bheidh gá le conradh, agus/nó tairiscint i dtaca le conradh i gcás ina seachadfaidh feirmeoir bainne amh ar chomharchumann a bhfuil an feirmeoir ina chomhalta de más rud go bhfuil, i reachtanna an chomharchumainn sin, nó sna rialacha agus sna cinntí dá bhforáiltear sna reachtanna sin nó a chineann ó na reachtanna sin, forálacha a bhfuil éifeachtaí acu atá comhchosúil leis na forálacha sin atá leagtha amach i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) de mhír 2.

4. Déanfar caibidlíocht gan dua idir na páirtithe ar eilimintí uile na gconarthaí maidir le seachadadh bainne amh a chuirfidh feirmeoirí, bailitheoirí nó próiseálaithe bainne amh i gcrích, lena n-áirítear na gnéithe sin dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 2.

Gan dochar don chéad fhomhír, beidh feidhm ag ceann amháin den mhéid seo a leanas, nó ag an dá cheann:

- (a) i gcás ina gcinneadh Ballstát conradh i scríbhinn maidir le seachadadh bainne amh a dhéanamh éigeantach i gcomhréir le mír 1, féadfaidh sé fad íosta a bhunú nach mbeidh infheidhme ach amháin maidir le conarthaí i scríbhinn idir feirmeoir agus céad-cheannaitheoir an bhainne amh. Sé mhí ar a laghad a bheidh san fhad íosta sin agus ní dhéanfaidh sé difear d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh;
- (b) i gcás ina gcinneadh Ballstát nach mór do chéad-cheannaitheoir an bhainne amh tairiscint i scríbhinn ar chonradh a thabhairt don fheirmeoir i gcomhréir le mír 1, féadfaidh sé a fhoráil nach mór go n-áireofaí sa tairiscint fad íosta don chonradh, a leagtar amach chuige sin sa dlí náisiúnta. Sé

mhí ar a laghad a bheidh san fhad íosta sin agus ní dhéanfaidh sé difear d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

Beidh an dara fomhír gan dochar do cheart an fheirmeora an fad íosta sin a dhiúltú, ar choinníoll gur i scríbhinn a dhéanfaidh sé é sin. I gcásanna den sórt sin, beidh na páirtithe saor chun gnéithe uile an chonartha a chaibidliú, lena n-áirítear na gnéithe sin dá dtagraítear i mír 2(c).

5. Déanfaidh na Ballstáit a úsáidfidh na roghanna dá dtagraítear san Airteagal seo fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcaoi ina gcuirtear i bhfeidhm iad.

6. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na bearta is gá maidir le cur i bhfeidhm comhionann phointe (a) agus phointe (b) de mhír 2 agus de mhír 3 den Airteagal seo agus bearta a bhaineann leis na fógraí a bheidh le tabhairt ag na Ballstáit i gcomhréir leis an Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 149

Caibidlíocht chonartha in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne

1. Féadfaidh eagraíocht táirgeoirí in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne, ar eagraíocht í a aithnítear faoi Airteagal 152(3), na conarthaí sin maidir le bainne amh arna sheachadadh ag feirmeoir ar phróiseálaí bainne amh, nó ar bhailitheoir de réir bhrí antríú fomhír d'Airteagal 148(1), a chaibidliú ar son a gcomhaltaí ar feirmeoirí iad, i dtaca le cuid dá gcomhtháirgeadh nó a gcomhtháirgeadh ar fad.

2. Féadfaidh eagraíocht táirgeoirí caibidlíocht a dhéanamh:

- (a) cibé acu a aistríonn nó nach n-aistríonn na feirmeoirí úinéireacht an bhainne amh chuig an eagraíocht táirgeoirí;
- (b) cibé acu is ionann nó nach ionann an praghas a chaibidlithear maidir le comhtháirgeadh roinnt de na comhaltaí ar feirmeoirí iad, nó comhtháirgeadh na gcomhaltaí ar fad ar feirmeoirí iad;
- (c) ar choinníoll, i gcás eagraíochta áirithe táirgeoirí, go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:
 - (i) nach mó ná 3.5 % de tháirgeadh iomlán an Aontais toirt an bhainne amh a chumhdófar leis an gcaibidlíocht sin,
 - (ii) maidir le toirt an bhainne amh a chumhdófar leis an gcaibidlíocht sin a tháirgtear in aon Bhallstát ar leith, nach mó ná 33 % de tháirgeadh náisiúnta iomlán an Bhallstáit sin í, agus
 - (iii) maidir le toirt an bhainne amh a chumhdófar leis an gcaibidlíocht sin a sheachadtar in aon Bhallstát ar leith, ní mó ná 33 % de tháirgeadh náisiúnta iomlán an Bhallstáit sin í,

- (d) ar choinníoll nach bhfuil na feirmeoirí lena mbaineann ina gcomhaltaí d'eagraíocht táirgeoirí ar bith eile a dhéanann caibidlíocht ar na conarthaí sin ar son na bhfeirmeoirí freisin, mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit maolú ar an gcoinníoll siní gcásanna a bhfuil údar cuí leo más rud é go bhfuil dhá aonad táirgeachta shainiúla lonnaithe i limistéir gheografacha éagsúla ag feirmeoirí;
- (e) ar choinníoll nach mbeidh an bainne amh cumhdaithe ag aon oibleagáid chun seachadta a eascróidh ó chomhaltas an fheirmeora i gcomharchumann i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i reachtanna an chomarchumainn nó sna rialacha agus sna cinntí dá bhforáiltear sna reachtanna sin nó a chineann uathu; agus
- (f) ar choinníoll go ndéanann an eagraíocht táirgeoirí údarais inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát ina bhfuil sé ag oibriú a chur ar an eolas maidir le toirt an bhainne amh a chumhdófar leis an gcaibidlíocht sin.

3. In aineoinn na gcoinníollacha a leagtar amach i bpointe (c) (ii) agus (iii) de mhír 2, féadfaidh eagraíocht táirgeoirí caibidlíocht de bhun mhír 1 ar choinníoll, maidir leis an eagraíocht táirgeoirí sin, nach mó ná 45 % de tháirgeadh náisiúnta iomlán an Bhallstáit sin toirt an bhainne amh, arna chumhdú sa chaibidlíocht sin, ar bainne é a tháirgtear nó a sheachadtar i mBallstát a bhfuil táirgeadh bainne amh bliantúil is lú ná 5 000 000 tona aige.

4. Chun críocha an Airteagail seo, áireofar le tagairtí d'eagraíochtaí táirgeoirí comhlachais na n-eagraíochtaí táirgeoirí sin chomh maith.

5. Chun críocha pointe (c) de mhír 2 agus mír 3 a chur i bhfeidhm, foilseoidh an Coimisiún, ar cibé modh a mheasann sé a bheith iomchuí, méid an bhainne amh a tháirgtear san Aontas agus sna Ballstáit ag baint úsáide as an bhfaisnéis is déanaí atá ar fáil.

6. De mhaolú ar phointe (c) de mhír 2 agus ar mhír 3, fiú nuair nach sáraítear na tairseacha a leagtar amach iontu, féadfaidh an t-údarás iomaíochta dá dtagraítear sa dara fohmhir den mhír seo cinneadh a dhéanamh i gcás aonair i dtaobh ar cheart caibidlíocht áirithe na heagraíochta táirgeoirí a athoscailt nó nár cheart di tarlú ar chor ar bith má mheasann sé go bhfuil sé sin riachtanach chun cosc a chur ar eisiamh iomaíochta nó chun damáiste tromchúiseach do phróiseálaithe bainne amh ar FBManna iad a sheachaint ina chríoch.

I gcás caibidlíochta ina gcumhdaítear níos mó ná Ballstát amháin, is é an Coimisiún a dhéanfaidh an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó(3) a chur i bhfeidhm. Is é údarás náisiúnta iomaíochta an Bhallstáit lena mbaineann an chaibidlíocht a dhéanfaidh an cinneadh sin i ngach cás eile.

Ní bheidh feidhm ag na cinntí dá dtagraítear sa mhír seo roimh an dáta a bhfógraítear iad do na gnóthais lena mbaineann.

7. Chun críocha an Airteagail seo:

- (a) ciallaíonn "údarás náisiúnta iomaíochta" an t-údarás dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle ⁽¹⁾;
- (b) ciallaíonn "FBM" micrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún.

8. Maidir leis na Ballstáit ina dtarlóidh an chaibidlíocht i gcomhréir leis an Airteagal seo, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún maidir le cur i bhfeidhm phointe (f) de mhír 2 agus de mhír 6.

Airteagal 150

Rialáil an tsoláthair maidir le cáis a bhfuil sonrúchán cosanta tionscnaimh nó tásca cosanta geografach aici

1. Arna iarraidh sin ag eagraíocht táirgeoirí a aithnítear faoi Airteagal 152(3), ag eagraíocht idirchraoibhe a aithnítear faoi Airteagal 157(3) agus ag grúpa oibreoirí dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, féadfaidh na Ballstáit, ar feadh tréimhse teoranta ama, rialacha ceangailteacha a leagan síos maidir le rialáil sholáthar cáise a bheidh ag tairbhiú de shonrúchán cosanta tionscnaimh nó de thásca cosanta geografach faoi Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. 1151/2012.

2. Beidh na rialacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal faoi réir théarmaí aon chomhaontaithe a bheidh déanta roimh ré idir na páirtithe sa limistéar geografach dá dtagraítear in bpointe (c) d'Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012. Déanfar comhaontú den sórt sin idir dhá thrian ar a laghad de na táirgeoirí bainne nó a n-ionadaithe, a sheasann do dhá thrian ar a laghad den bhainne amh a bheidh in úsáid do tháirgeadh na cáise dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus, más iomchuí, dhá thrian ar a laghad de tháirgeoirí na cáise sin, a sheasann do dhá thrian ar a laghad de tháirgeadh na cáise sin sa limistéar geografach dá dtagraítear in i bpointe (c) d'Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

3. Chun críche mhír 1, maidir le cáis a bheidh ag tairbhiú de thásca cosanta geografach, is ionann limistéar geografach tionscnaimh an bhainne amh, mar atá socraithe sa tsonraíocht táirge don cháis, agus an limistéar geografach dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 7(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1151/2012 a bhaineann leis an gcáis sin.

4. Maidir leis na rialacha dá dtagraítear i mír 1:

- (a) ní chumhdófar leo ach amháin rialáil sholáthar an táirge lena mbaineann agus beidh sé d'aidhm acu soláthar na cáise sin a oirú don éileamh;
- (b) ní bheidh éifeacht acu ach amháin maidir an táirge lena mbaineann;

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta atá leagtha síos in Airteagal 81 agus in Airteagal 82 den Chonradh (IO L 1, 4.1.2003, lch. 1).

- (c) ní fhéadfaidh siad a bheith ceangailteach ar feadh tréimhse níos faide ná trí bliana agus féadfar iad a athnuachan tar éis na tréimhse sin tar éis iarraidh nua, mar a thagraítear dó i mír 1, a fháil;
- (d) ní dhéanfar damáiste leo do thrádáil táirgí seachas na táirgí lena mbaineann na rialachasín;
- (e) ní bhainfidh siad le haon idirbheart tar éis chéadmhar- gaíocht na cáise lena mbaineann;
- (f) ní cheadófar leo socrú praghsanna, lena n-áirítear socrú praghsanna mar threoir nó mar mholadh;
- (g) ní áiríteofar leo nach mbeidh fáil ar sciar rómhór den táirge lena mbaineann a bheadh ar fáil murach sin;
- (h) ní chuirfear idirdhealú ar bun leo, nó ní bheidh siad ina mbac d'iontrálaithe nua sa mhargadh nó ina gcúis go ndéanfar dochar do leasanna táirgeoirí beaga;
- (i) rannchuideoidh siad le cáilíocht agus/nó forbairt an táirge lena mbaineann;
- (j) beidh siad gan dochar d'Airteagal 149.

5. Foilseofar na rialacha dá dtagraítear i mír 1 i bhfoilseachán oifigiúil an Bhallstáit lena mbaineann.

6. Déanfaidh na Ballstáit seiceálacha chun a áirithiú go bhfuil na coinníollacha a leagtar síos i mír 4 á gcomhlíonadh, agus i gcás ina gcinnfidh na húdaráis náisiúnta inniúla nach bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh, déanfaidh siad na rialacha dá dtagraítear i mír 1 a aisghairm.

7. Tabharfaidh na Ballstáit fógra láithreach don Choimisiún faoi na rialacha dá dtagraítear i mír 1 a bheidh glactha acu. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas faoi aon fhógra de na rialacha sin.

8. Féadfaidh an Coimisiún tráth ar bith gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gceanglaítear go n-aisghairfidh Ballstát na rialacha atá leagtha síos ag an mBallstát sin de bhun mhír 1 más léir don Choimisiún nach gcomhlíonann na rialacha sin na coinníollacha a leagtar síos i mír 4 nó go ndéanann siad iomaíocht a chosc nó a shaobhadh i gcuid shubstaintiúil den mhargadh inmheánach, nó saothrádail a chur i gcontúirt nó go bhfuil baint amach chuspóirí Airteagal 39 CFAE á chur i mbaol. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) den Rialachán seo a chur i bhfeidhm.

Airteagal 151

Dearbhuithe éigeantacha in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne

Amhail ón 1 Aibreán 2015, dearbhóidh céad cheannaitheoirí an bhainne amh don údarás inniúil náisiúnta cainníocht an bhainne amh a sheachadtar orthu gach mí.

Chun críocha an Airteagail seo agus Airteagal 148, ciallaíonn "céad-cheannaitheoir" gnóthas nó grúpa a cheannaíonn bainne ó tháirgeoirí:

(a) chun é a bhailiú, a phacáil, a stóráil, a fhuarú nó a phróiseáil, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh faoi chonradh;

(b) chun é a dhíol le gnóthas amháin nó níos mó a dhéanann cóireáil nó próiseáil ar bhainne nó ar tháirgí eile bainne.

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir le cainníocht an bhainne amh dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na rialacha maidir le hábhar, le formáid agus le huainíocht na ndearbhuithe sin agus na bearta a bhaineann le fógraí a bheidh le déanamh ag na Ballstáit i gcomhréir leis an Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

CAIBIDIL III

Eagraíochtaí agus comlachais táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe

Roinn 1

Sainiú agus aitheantas

Airteagal 152

Eagraíochtaí táirgeoirí

1. Féadfaidh na Ballstáit aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí, arna iarraidh sin dóibh, ar eagraíochtaí iad:

- (a) a bhfuil a gcomhdhéanamh i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 153(2) ag táirgeoirí atá in earnáil ar leith a liostaítear in Airteagal 1(2);
- (b) a bunaíodh ar thionscnamh na dtáirgeoirí;
- (c) a bhfuil aidhm shonrach á saothrú acu, a bhféadfaidh ceann amháin de na cuspóirí seo a leanas a bheith ar áireamh inti:
 - (i) féachaint chuige go ndéanfar táirgeadh a phleanáil agus a oiriúnú de réir an éilimh, go háirithe ó thaobh cáilíochta agus cainníochta;
 - (ii) soláthar na dtáirgí a tháirgeann na comhaltaí a chomhchruinniú agus na táirgí sin a chur ar an margadh, lena n-áirítear trí mhargaíocht dhíreach;
 - (iii) na costais táirgthe agus na torthaí ar infheistíochtaí a bharrfheabhsú mar fhreagairt do chaighdeáin chomhshaoil agus leasa ainmhithe agus praghsanna na dtáirgeoirí a chobhsú;
 - (iv) taighde a dhéanamh agus tionscnaimh a fhorbairt i dtaca le modhanna táirgthe inbhuanaithe, le cleachtais nuálacha, le hiomaíochas eacnamaíoch agus le forbairt sna margáil;

- (v) cúnamh teicniúil a chur chun cinn agus a sholáthar maidir le húsáid cleachtas saothraithe agus teicníochtaí táirgthe atá slán ó thaobh an chomhshaoil de, mar aon le cleachtais agus teicníochtaí fóna i dtaca le leas ainmhithe;
- (vi) cúnamh teicniúil a chur chun cinn agus a sholáthar i dtaca le caighdeán tháirgthe a úsáid, feabhas a chur ar cháilíocht táirgí agus forbairt a dhéanamh ar tháirgí a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint acu, a bhfuil tásca geografach faoi chosaint acu nó a chumhdaítear le lipéad náisiúnta cáilíochta.
- (vii) bainistiú fotháirgí agus dramhaíola, go háirithe chun cáilíocht an uisce, na hithreach agus an tírdhreacha a chosaint agus chun bithéagsúlacht a chaomhnú nó a chothú;
- (viii) úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus maolú ar an athrú aeráide a chur chun cinn;
- (ix) tionscnaimh a fhorbairt i réimse an dul chun cinn agus na margaíochta;
- (x) bainistiú a dhéanamh ar na cistí frithpháirteacha dá dtagraítear sna cláir oibríochtúla san earnáil torthaí agus glasraí dá dtagraítear in Airteagal 31(2) den Rialachán seo agus faoi Airteagal 36 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013;
- (xi) an cúnamh teicniúil a bhfuil gá leis a sholáthar maidir le húsáid na margaí todhchaíochtaí agus le scéimeanna árachais.

2. Féadfaidh eagraíocht táirgeoirí atá aitheanta faoin mhír 1 aitheantas a fháil ar bhonn leanúnach má théann sí i mbun táirgí faoi chód CN ex 2208 a mhargú, ar táirgí iad seachas na tairgí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Conarthaí, ar choinníoll nach ionann na táirgí sin agus níos mó ná 49 % de luach iomlán tháirgeadh margaithe na heagraíochta táirgeoirí agus nach bhfaigheann na táirgí sin aon tairbhe ó thacaíocht ón Aontas. Maidir le heagraíochtaí táirgeoirí san earnáil torthaí agus glasraí, ní chuirtear na táirgí sin san áireamh nuair a ríomhtar luach an táirgthe mhargaithe chun críocha Airteagal 34(2).

3. De mhaolú ar mhír 1, aithneoidh na Ballstáit eagraíochtaí táirgeoirí, arbh iad a gcomhaltaí táirgeoirí in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne, ar eagraíochtaí iad:

- (a) a bunaíodh ar thionscnamh na dtáirgeoirí;
- (b) a bhfuil aidhm shonrach á saothrú acu, a bhféadfaidh ceann amháin de na cuspóirí seo a leanas nó níos mó ná sin a bheith ar áireamh inti:
 - (i) féachaint chuige go ndéanfar táirgeadh a phleanáil agus a oiriúnú de réir an éilimh, go háirithe ó thaobh cáilíochta agus cainníochta;
 - (ii) soláthar na dtáirgí a tháirgeann na comhaltaí a chomhchruinniú agus na táirgí sin a chur ar an margadh;

- (iii) na costais táirgthe a bharrfheabhsú agus praghsanna na dtáirgeoirí a chobhsú

Airteagal 153

Reachtanna eagraíochtaí táirgeoirí

1. Ceanglófar ar chomhaltaí ar táirgeoirí iad, le reacht eagraíochta táirgeoirí, an méid seo a leanas go háirithe, chun:

- (a) na rialacha a chur i bhfeidhm arna nglacadh ag an eagraíocht táirgeoirí a bhaineann le tuairisciú táirgthe, táirgeadh, margaíocht agus cosaint an chomhshaoil;
- (b) gan a bheith ina gcomhaltaí ach d'aon eagraíocht táirgeoirí amháin i dtaca le haon táirge áirithe den ghabháltas, féadfaidh Ballstáit maolú ar an gcoinníoll sin áfach i gcásanna a bhfuil bonn cirt cuí acu go bhfuil dhá aonad táirgthe ar leith atá lonnaithe i limistéir gheografacha éagsúla i seilbh comhaltaí ar táirgeoirí iad;
- (c) an fhaisnéis a sholáthar don eagraíocht táirgeoirí arna iarraidh sin di chun críocha staidrimh.

2. Le reachtanna eagraíochta táirgeoirí déanfar foráil freisin don mhéid seo a leanas:

- (a) nósanna imeachta maidir le bunú, glacadh agus leasú na rialacha dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1;
- (b) ranníocaíochtaí airgeadais a fhorchur ar chomhaltaí, ar ranníocaíochtaí iad atá riachtanach chun an eagraíocht táirgeoirí a mhaoiniú;
- (c) rialacha a chuirfidh ar chumas na gcomhaltaí ar táirgeoirí iad a n-eagraíocht agus na cinntí a dhéanann sí a scrúdú go daonlathach;
- (d) pionóis de bharr sárúithe oibleagáidí faoi na hairteagail chomhlachais, go háirithe neamhíoc ranníocaíochtaí airgeadais, nó de bharr shárú na rialacha atá leagtha síos ag an eagraíocht táirgeoirí;
- (e) rialacha maidir le comhaltaí nua a ligean isteach, go háirithe maidir leis an tréimhse fósta comhaltais nach féidir a bheith níos gaire ná bliain amháin;
- (f) na rialacha cuntasáíochta agus buiséadacha is gá i gcomhair fheidhmiú na heagraíochta.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ná mír 2 ar eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil an bhainne ná in earnáil na dtáirgí bainne.

Airteagal 154

Eagraíochtaí táirgeoirí a aithint

1. I gcás go dtugann Ballstát aitheantas d'eagraíocht táirgeoirí, eintiteas dlíthiúil a bheidh san eagraíocht táirgeoirí a chuireann isteach ar an aitheantas sin nó cuid shoiléir shainmhínte d'eintiteas dlíthiúil a bheidh ann ar fíor an méid seo a leanas ina leith:

- (a) comhlíonann sé na ceanglais atá leagtha síos i bpointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 152(1);

- (b) tá líon íosta comhaltaí aige agus/nó cumhdaíonn sé toirt íosta de tháirgeadh indíolta sa limistéar ina n-oibríonn sé, ar toirt íosta í a leagfaidh an Ballstát lena mbaineann síos;
- (c) cuirfidh sé dóthain fianaise ar fáil gur féidir leis a chuid gníomhaíochtaí a chur i gcrích go cuí, i gcaitheamh an ama agus ó thaobh éifeachtachta agus tacaíochta daonna, ábhartha agus teicniúil araon a chur ar fáil dá chuid comhaltaí agus, de réir mar is iomchuí, ó thaobh chomhchruinniú an tsoláthair de;
- (d) tá reachtanna aige atá i gcomhréir le pointe (a), pointe (b) agus pointe (c) den mhír seo.

2. Maidir le heagraíochtaí táirgeoirí a mbeidh aitheantas tugtha dóibh roimh an 1 Eanáir 2014 ar bhonn an dlí náisiúnta, agus a chomhlíonann coinníollacha atá leagtha síos i mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go measfar gur eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí iad faoi Airteagal 152.

3. Eagraíochtaí táirgeoirí a mbeidh aitheantas tugtha dóibh roimh an 1 Eanáir 2014 ar bhonn an dlí náisiúnta agus nach gcomhlíonann na coinníollacha atá leagtha síos i mír 1, féadfaidh siad leanúint de bheith ag feidhmiú a gcuid gníomhaíochtaí faoin dlí náisiúnta go dtí an 1 Eanáir 2015.

4. Déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

- (a) cinneadh a dhéanamh i dtaobh aitheantas a thabhairt d'eagraíocht táirgeoirí laistigh de cheithre mhí ón am a dtaiscfear iarratas a ngabhfaidh an fhianaise thacaíochta ábhartha ar fad leis, leis an mBallstát ina bhfuil ceanncheathrú na heagraíochta;
- (b) seiceálacha a dhéanamh, ag idirthréimhsí a bheidh le cinneadh acu, chun a fhíorú go bhfuil an Chaibidil seo á comhlíonadh ag na heagraíochtaí aitheanta táirgeoirí;
- (c) i gcás ina mbeidh neamhchomhlíonadh nó neamhrialtachtaí ann i gcur i bhfeidhm na mbeart dá bhforáiltear sa Chaibidil seo, na pionóis is infheidhme a bheidh leagtha síos acu a fhorchur ar na heagraíochtaí sin agus ar na comhlachais sin agus a chinneadh ar cheart, dá mba ghá sin, an t-aitheantas a tharraingt siar;
- (d) an Coimisiún a chur ar an eolas uair sa bhliain agus tráth nach déanaí ná an 31 Márta faoi gach cinneadh a bheidh déanta acu i rith na bliana féilire roimhe sin chun aitheantas a thabhairt, a dhiúltú nó a tharraingt siar.

Airteagal 155

Seachfhoinsíú

Féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt d'eagraíocht aitheanta táirgeoirí nó do chomhlachas aitheanta eagraíochtaí táirgeoirí sna hearnálacha a bheidh sonraithe ag an gCoimisiún i gcomhréir le pointe (f) d'Airteagal 173(1) aon chuid dá ngníomhaíochtaí a sheachfhoinsíú ach amháin táirgeadh, lena n-áirítear seachfhoinsíú chuig fochuideachtaí, ar choinníoll go mbeidh an eagraíocht táirgeoirí nó an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí

freagrach i gcónaí as cur i gcrích na ngníomhaíochta seachfhoinsithe a áirithiú mar aon leis an rialú agus an mhaoirseacht foriomlán a dhéanfaidh an bhainistíocht ar an socrú tráchtála a bheidh ann i dtaca leis an ngníomh a chur i gcrích.

Airteagal 156

Comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí

1. Féadfaidh na Ballstáit, arna iarraidh sin orthu, aitheantas a thabhairt do chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí de chuid earnáil ar leith a liostaítear in Airteagal 1(2) agus a cuireadh ar bun ar thionscnamh eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta.

Faoi réir na rialacha a ghlactar de bhun Airteagal 173, féadfaidh comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí aon cheann de ghníomhaíochtaí nó d'fheidhmeanna na n-eagraíochtaí táirgeoirí a dhéanamh.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na Ballstáit, mar fhreagairt ar iarratas, aitheantas a thabhairt do chomhlachas d'eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne más rud é go measann an Ballstát lena mbaineann go bhfuil ar chumas an chomhlachais aon cheann de na ngníomhaíochtaí de chuid eagraíocht aitheanta táirgeoirí a dhéanamh go héifeachtach agus más rud é go gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 161(1).

Airteagal 157

Eagraíochtaí idirchraoibhe

1. Féadfaidh na Ballstáit, arna iarraidh sin orthu, aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí idirchraoibhe in earnáil ar leith a liostaítear in Airteagal 1(2), ar eagraíochtaí idirchraoibhe iad:

- (a) atá comhdhéanta d'ionadaithe do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá nasctha leis an táirgeadh agus le ceann amháin ar a laghad de na céimeanna seo a leanas den slabhra soláthair: próiseáil táirgí in earnáil amháin nó níos mó, nó trádáil iontu, lena n-áirítear iad a dháileadh;
- (b) atá bunaithe ar thionscnamh roinnt de na heagraíochtaí nó de na cumainn as a bhfuil siad comhdhéanta nó ar thionscnamh na n-eagraíochtaí nó na gcumann sin ar fad;
- (c) a shaothraíonn aidhm ar leith, agus leasa a gcuid comhaltá agus a gcuid tomhaltóirí á gcur san áireamh acu a n-áireofar orthu, go háirithe, ceann de na cuspóirí a leanas:

- (i) feabhas a chur ar eolas ar an táirgeadh agus ar an margadh agus feabhas a chur ar thrédhearcacht, lena n-áirítear trí shonraí staidrimh comhbhailithe a fhoilsiú maidir le costais táirgthe, le praghsanna, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí innéacsanna praghsanna, le méideanna an táirgthe agus le fad na gconarthaí a tugadh i gcrích cheana, agus trí bhithin anailís a chur ar fáil ar fhorbairtí a d'fhéadfadh tarlú sa mhargadh ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal idirnáisiúnta amach anseo;
- (ii) tuar a thabhairt i dtaca leis an acmhainneacht táirgthe, agus taifead a choimeád ar phraghsanna margaidh;

- (iii) cuidiú le comhordú níos fearr a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear táirgí ar an margadh, go háirithe trí thaghad agus staidéir ar an margadh a dhéanamh;
- (iv) margáí onnmhairíochta féideartha a fhiosrú;
- (v) gan dochar do na forálacha atá leagtha síos in Airteagal 148 agus in Airteagal 168, leaganacha caighdeánacha de chonarthaí a tharraingt suas a bheadh i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le táirgí talmhaíochta a dhíol le ceannaitheoirí nó táirgí próiseáilte a sholáthar do dháileoirí agus do mhiondíoltóirí, agus an gá le dálaí cothroma iomaíochta a bhaint amach agus saobhadh an mhargaidh a sheachaint á gcur san áireamh;
- (vi) acmhainneacht na dtáirgí a shaothrú níos fearr, lena n-áirítear ar leibhéal na n-asraonta margaidh agus forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh lena gcuirfead neart le hiomaíochas eacnamaíoch agus leis an nuáil;
- (vii) an fhaisnéis riachtanach a sholáthar agus an taighde riachtanach a dhéanamh chun an táirgeadh a nuáil, a chuíchóiriú, a fheabhsú agus a choigeartú agus, i gcás inarb iomchuí, an phróiseáil agus an mhargaíocht, chun go soláthrófar táirgí a oirfidh níos fearr do riachtanais an mhargaidh agus do mhianta agus d'ionchais tomhaltóirí, go háirithe maidir le cáilíocht na dtáirgí, lena n-áirítear saintréithe sonracha na dtáirgí a bhfuil sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó tasc geografach faoi chosaint acu, agus maidir le cosaint an chomhshaoil;
- (viii) bealaí a lorg chun srian a chur le húsáid táirgí sláinte ainmhithe nó táirgí cosanta plandaí, chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar ionchur eile, chun cáilíocht táirgí agus caomhnú ithir agus uisce a áirithiú, chun sábháilteacht bia a chur chun cinn, go háirithe trí inrianaitheacht táirgí, agus chun feabhas a chur ar shláinte agus leas ainmhithe;
- (ix) modhanna agus uirlisí a fhorbairt chun cáilíocht na dtáirgí a fheabhsú ag gach céim den táirgeadh agus, i gcás inarb infheidhme, den phróiseáil agus den mhargaíocht;
- (x) gach gníomh is féidir a ghlacadh chun seasamh le feirmeoireacht orgánach agus sonrúcháin tionscnaimh, lipéid cháilíochta agus tásca geografacha agus chun iad a chosaint agus a chur chun cinn;
- (xi) táirgeadh comhtháite inbhuanaithe nó modhanna eile táirgthe atá slán ó thaobh an chomhshaoil a chur chun cinn agus taighde a dhéanamh ar na modhanna sin;
- (xii) tomhaltas sláintiúil agus freagrach na dtáirgí ar an margadh inmheánach a spreagadh agus/nó faisnéis a chur in iúl maidir leis an díobháil a thagann as patrúin ghuaiseacha tomhaltais;
- (xiii) tomhaltas táirgí atá ar an margadh inmheánach agus ar mhargáí seachtracha a spreagadh, agus/nó faisnéis a chur ar fáil maidir leis na dtáirgí sin;
- (xiv) cur le bainistiú na bhfotháirgí agus le laghdú agus bainistiú fuíoll.
2. I gcásanna a bhfuil bonn cirt leo féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, ar bhonn critéar oibíochtúil agus neamh-idirdhealaitheach, go gcomhlíontar an coinníoll i bpointe (c) d'Airteagal 158(1) trí theorainn a chur, ar bhonn réigiúnach nó náisiúnta, le líon na n-eagraíochtaí idirchraoibhe, sa chás go bhforáiltear dá leithéid sin leis na rialacha a bheidh ann roimh an 1 Eanáir 2014 agus i gcás nach ndéanann sin difear d'fheidhmiú cuí an mhargaidh aonair.
3. De mhaolú ar mhír 1, maidir le hearnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne, féadfaidh na Ballstáit eagraíochtaí idirchraoibhe a aithint ar eagraíochtaí iad:
- (a) a bhfuil aitheantas iarrtha go foirmiúil acu agus atá comhdhéanta d'ionadaithe gníomhaíochtaí eacnamaíoch a atá nasctha le táirgeadh bainne amh agus atá nasctha le ceann amháin ar a laghad de na céimeanna seo a leanas den slabhra soláthair: próiseáil nó trádáil, lena n-áirítear dáileadh, táirgí earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne;
- (b) atá bunaithe ar thionscnamh chuid de na hionadaithe, nó na n-ionadaithe ar fad, dá dtagraítear i bpointe (a);
- (c) a dhéanann ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas i réigiún amháin nó níos mó den Aontas, agus leasanna chomhaltaí na n-eagraíochtaí idirchraoibhe agus leasanna tomhaltóirí á gcur san áireamh:
- (i) an t-eolas agus an trédhearcacht sa táirgeacht agus sa mhargadh a fheabhsú, lena n-áirítear trí shonraí staitistiúla a fhoilsiú i dtaca le praghsanna, toirteanna agus fad conarthaí maidir le bainne amh a sheachadadh, ar conarthaí iad a tugadh i gcrích roimhe seo, agus trí anailís a sholáthar ar fhorbairtí féideartha an mhargaidh amach anseo ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta;
- (ii) cabhrú chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar an mbealach a gcuirtear táirgí earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne ar an margadh, go háirithe trí bhithin taighde agus staidéir ar na margáí;
- (iii) tomhaltas a spreagadh, agus faisnéis a chur ar fáil, maidir le bainne agus táirgí bainne i margáí inmheánacha agus i margáí seachtracha araon;
- (iv) margáí onnmhairíochta féideartha a fhiosrú;
- (v) leaganacha caighdeánacha de chonarthaí a tharraingt suas a bheadh i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le bainne amh a dhíol le ceannaitheoirí nó táirgí próiseáilte a sholáthar do dháileoirí agus do mhiondíoltóirí, agus an gá le dálaí cothroma iomaíochta a bhaint amach agus saobhadh an mhargaidh a sheachaint á gcur san áireamh;

- (vi) faisnéis a sholáthar agus an taighde atá riachtanach a dhéanamh chun an táirgeadh a choigeartú i bhfabhar táirgí a oirfidh níos fearr do riachtanais an mhargaidh agus do mhianta agus ionchas tomhaltóirí, go háirithe maidir le cáilíocht na dtáirgí agus cosaint an chomhshaoil;
- (vii) acmhainn táirgthe na hearnála déiríochta a choinneáil ar bun agus a fhorbairt, inter alia trí nuálaíocht a spreagadh agus tacú le cláir do thaighde feidhmeach agus d'fhorbairt fheidhmeach chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an bhainne agus na dtáirgí bainne, go háirithe chun táirgí breisluacha a chruthú atá níos tarraingtí don tomhaltóir;
- (viii) bealaí a lorg chun úsáid táirgí atá dírithe ar shláinte ainmhithe a shrianadh, an bainistiú ar ionchur eile a fheabhsú agus sábháilteacht bia agus sláinte ainmhithe a fheabhsú;
- (ix) modhanna agus uirlisí a fhorbairt chun cáilíocht na dtáirgí a fheabhsú ag gach céim den táirgeadh agus den mhargaíocht;
- (x) leas a bhaint as acmhainneacht na feirmeoireachta orgánaí agus an fheirmeoireacht sin chomh maith le táirgeadh táirgí lena ngabhann sonrúcháin tionscnaimh, lipéid cháilíochta agus tásca geografacha a chosaint agus a chur chun cinn; agus
- (xi) táirgeadh comhtháite nó modhanna eile táirgthe atá slán ó thaobh an chomhshaoil a chur chun cinn

Airteagal 158

Eagraíochtaí táirgeoirí a aithint

1. Féadfaidh na Ballstáit aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí idirchraoibhe a chuireann isteach ar an aitheantas sin, ar choinníoll:
 - (a) go gcomhlíonann siad na ceanglais atá leagtha síos in Airteagal 157;
 - (b) go ndéanann siad a ngníomhaíochtaí i réigiún amháin nó níos mó ar an gcríoch lena mbaineann;
 - (c) go seasann siad do chion suntasach de na gníomhaíochtaí eacnamaíochta dá dtagraítear in Airteagal 157(1)(a);
 - (d) ach amháin i gcásanna atá leagtha síos in Airteagal 162, nach dtéann siad féin i mbun táirgthe, próiseála ná trádála.
2. Maidir le heagraíochtaí idirchraoibhe a mbeidh aitheantas tugtha dóibh roimh an 1 Eanáir 2014 ar bhonn an dlí náisiúnta, agus a chomhlíonann na coinníollacha atá leagtha síos i mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go measfar gur eagraíochtaí aitheanta idirchraoibhe iad de bhun Airteagal 157.
3. Eagraíochtaí táirgeoirí a mbeidh aitheantas tugtha dóibh roimh an 1 Eanáir 2014 ar bhonn an dlí náisiúnta agus nach

gcomhlíonann na coinníollacha atá leagtha síos i mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh siad leanúint de bheith ag feidhmiú a gcuid gníomhaíochtaí faoin dlí náisiúnta go dtí an 1 Eanáir 2015.

4. Féadfaidh na Ballstáit aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí idirchraoibhe sna hearnálacha go léir a bhí ann roimh theacht isteach an Rialacháin seo, is cuma má aithníodh iad arna iarraidh sin dóibh nó ar bunaíodh faoin dlí iad, cé nach gcomhlíonann siad an coinníoll atá leagtha síos i bpointe (b) d'Airteagal 157(1) nó i bpointe (b) d'Airteagal 157(3).

5. I gcás go dtugann na Ballstáit aitheantas d'eagraíocht idirchraoibhe i gcomhréir le mír 1 nó mír 2 beidh iachall orthu maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) cinneadh a dhéanamh i dtaobh aitheantas a thabhairt laistigh de cheithre mhí ón am a dtaiscfear iarratas a mbeidh na doiciméid thacaíochta ábhartha ar fad leis; leis an mBallstát ina bhfuil ceanncheathrú na heagraíochta;
- (b) seiceálacha a dhéanamh, ag idirthréimhsí a bheidh le cinneadh acu, chun a fhíorú go bhfuil na coinníollacha lena rialaítear a n-aitheantas á gcomhlíonadh ag na heagraíochtaí aitheanta idirchraoibhe;
- (c) i gcás ina mbeidh neamhchomhlíonadh nó neamhrialtachtaí ann i gcur chun feidhme na mbeart dá bhforáiltear sa Chaibidil seo, na pionóis is infheidhme a bheidh leagtha síos acu a fhorchur ar na heagraíochtaí sin agus a chinneadh ar cheart, más gá sin, an t-aitheantas a tharraingt siar;
- (d) aitheantas a tharraingt siar i gcás nach mbeidh na ceanglais agus na coinníollacha maidir le haitheantas a leagtar síos san Airteagal seo á gcomhlíonadh a thuilleadh;
- (e) an Coimisiún a chur ar an eolas faoin 31 Márta gach bliain faoi gach cinneadh a bheidh déanta acu i rith na bliana féilire roimhe sin chun aitheantas a thabhairt, a dhiúltú nó a tharraingt siar.

Roinn 2

Rialacha breise d'earnálacha sonracha

Airteagal 159

Aitheantas éigeantach

De mhaolú ar Airteagal 152 go 158 déanfaidh na Ballstáit, arna iarraidh sin orthu, aitheantas a thabhairt:

- (a) d'eagraíochtaí táirgeoirí:
 - (i) in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí i gcás táirge amháin nó níos mó den earnáil sin agus/nó na táirgí sin atá beartaithe le haghaidh próiseála amháin,
 - (ii) in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird,

(iii) in earnáil na seiriceán,

(iv) in earnáil na leannlusanna;

(b) d'eagraíochtaí idirchraoibhe in earnáil na hola olóige agus ológ boird agus in earnáil an tobac.

Airteagal 160

Eagraíochtaí na dtáirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí

In earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, saothróidh na heagraíochtaí táirgeoirí ceann amháin ar a laghad de na cuspóirí a leagtar amach i bpointí (c)(i), (ii) agus (iii) d'Airteagal 152 (1).

Le reachtanna eagraíochta táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, ceanglófar ar a cuid comhaltaí a dtáirgeadh iomlán lena mbaineann a mhargú tríd an eagraíocht táirgeoirí.

Measfar i gcás eagraíochtaí táirgeoirí agus cumainn d'eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí go bhfuil siad ag gníomhú, laistigh dá dtéarmaí tagartha, in ainm a gcomhaltaí agus thar ceann a gcomhaltaí i gcúrsaí eacnamaíocha.

Airteagal 161

Aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí agus a gcomhlachais in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne

1. Tabharfaidh na Ballstáit aitheantas mar eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne do gach eintiteas dlíthiúil nó do gach cuid d'eintiteas dlíthiúil atá sainithe go soiléir agus a chuireann isteach ar an aitheantas sin, ar choinníoll:

(a) go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 152(3);

(b) go bhfuil líon íosta comhaltaí acu agus/nó go gcumhdaíonn siad toirt íosta de tháirgeadh indíolta, a leagfaidh an Ballstát lena mbaineann síos, sa limistéar ina n-oibríonn siad;

(c) go bhfuil fianaise leordhóthanach ann gur féidir leo a ngníomhaíochtaí a chur i gcrích go cuí i gcaitheamh an ama agus ó thaobh éifeachtacht agus chomhchruinniú an tsoláthair;

(d) go bhfuil reachtanna acu atá i gcomhréir le pointe (a), pointe (b) agus pointe (c) den mhír seo.

2. Maidir le heagraíochtaí idirchraoibhe a mbeidh aitheantas tugtha dóibh roimh 2 Aibreán 2012 ar bhonn an dlí náisiúnta, agus a chomhlíonann coinníollacha mhír 1, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go measfar gur eagraíochtaí aitheanta idirchraoibhe iad faoi Airteagal 152(2).

3. Déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) cinneadh a dhéanamh i dtaobh aitheantas a thabhairt d'eagraíocht táirgeoirí laistigh de cheithre mhí ón am a

dtaiscfear iarratas in éineacht leis an bhfianaise thacaíochta ábhartha ar fad, leis an mBallstát ina bhfuil ceanncheathrú na heagraíochta;

(b) seiceálacha a dhéanamh, ag idirthréimhsí a bheidh le cinneadh acu, chun a fhíorú go bhfuil forálacha na Caibidle seo á gcomhlíonadh ag na heagraíochtaí aitheanta táirgeoirí agus ag comhlachais na n-eagraíochtaí táirgeoirí;

(c) i gcás ina mbeidh neamhchomhlíonadh nó neamhrialtachtaí ann i gcur chun feidhme na mbeart dá bhforáiltear sa Chaibidil seo, na pionóis is infheidhme a bheidh leagtha síos acu a fhorchur ar na heagraíochtaí sin agus ar na comhlachais sin agus a chinneadh ar cheart, dá mba ghá sin, an t-aitheantas a tharraingt siar;

(d) an Coimisiún a chur ar an eolas faoin 31 Márta gach bliain, faoi gach cinneadh a bheidh déanta acu i rith na bliana féilire roimhe sin chun aitheantas a thabhairt, a dhiúltú nó a tharraingt siar.

Airteagal 162

Eagraíochtaí idirchraoibhe in earnálacha na hola olóige, na n-ológ boird agus an tobac

I gcás eagraíochtaí idirchraoibhe in earnáil na hola olóige, earnáil na n-ológ boird agus earnáil an tobac, féadfaidh ar a laghad ceann amháin de na cuspóirí seo a leanas a bheith ar áireamh san aidhm shonrach dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 157(1):

(a) soláthar agus margáíocht tháirgí a mball a chomhchruinniú agus a chomhordú;

(b) oibriú i gcomhar le chéile chun an táirgeadh agus an próiseáil a chur in oiriúint do riachtanais an mhargaidh agus feabhas a chur ar an táirge;

(c) cuíchóiriú agus feabhsú an táirgthe agus na próiseála a chur chun cinn.

Airteagal 163

Aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí idirchraoibhe in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne

1. Féadfaidh na Ballstáit aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí idirchraoibhe in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne ar choinníoll go ndéanann na heagraíochtaí sin an méid seo a leanas:

(a) go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 157(3);

(b) go ndéanann siad a ngníomhaíochtaí i réigiún amháin nó níos mó ar an gcríoch lena mbaineann;

(c) go seasann siad do chion suntasach de na ngníomhaíochtaí eacnamaíochta dá dtagraítear in Airteagal 157(3)(a);

(d) nach mbeidh páirt acu féin i dtáirgeadh, i bpróiseáil ná i dtrádáil na dtáirgí in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne.

2. Maidir le heagraíochtaí idirchraoibhe a mbeidh aitheantas tugtha dóibh roimh 2 Aibreán 2012 ar bhonn an dlí náisiúnta, agus a chomhlíonann coinníollacha mhír 1, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go measfar gur eagraíochtaí aitheanta idirchraoibhe iad faoi Airteagal 157(3).

3. I gcás ina n-úsáidfidh na Ballstáit an rogha chun aitheantas a thabhairt d'eagraíocht idirchraoibhe i gcomhréir le mír 1 nó le mír 2, beidh iachall orthu maidir leis an méid seo a leanas:

(a) cinneadh a dhéanamh i dtaobh aitheantas a thabhairt don eagraíocht idirchraoibhe laistigh de cheithre mhí ón am a dtaiscfear iarratas in éineacht leis an bhfianaise thacaíochta ábhartha ar fad, leis an mBallstát ina bhfuil ceanncheathrú na heagraíochta;

(b) seiceálacha a dhéanamh, ag idirthréimhsí a bheidh le cinneadh acu, chun a fhíorú go bhfuil na coinníollacha lena rialaítear a n-aitheantas á gcomhlíonadh ag na heagraíochtaí aitheanta idirchraoibhe;

(c) i gcás ina mbeidh neamhchomhlíonadh nó neamhrialtachtaí ann i gcur chun feidhme na mbeart dá bhforáiltear sa Chaibidil seo, na pionóis is infheidhme a bheidh leagtha síos acu a fhorchur ar na heagraíochtaí sin agus a chinneadh ar cheart, más gá sin, an t-aitheantas a tharraingt siar;

(d) aitheantas a tharraingt siar:

(i) i gcás nach mbeidh na ceanglais agus na coinníollacha maidir le haitheantas a leagtar síos san Airteagal seo á gcomhlíonadh a thuilleadh;

(ii) i gcás ina bhfuil páirt ag an eagraíocht idirchraoibhe in aon cheann de na comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 210(4), gan dochar d'aon phionóis eile atá le forchur de bhun an dlí náisiúnta;

(iii) i gcás nach gcomhlíonann an eagraíocht idirchraoibhe an dualgas fógartha dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 210(2);

(e) an Coimisiún a chur ar an eolas faoin 31 Márta gach bliain faoi gach cinneadh a bheidh déanta acu i rith na bliana féilire roimhe sin chun aitheantas a thabhairt, a dhiúltú nó a tharraingt siar.

Roinn 3

Síneadh na rialacha agus ranníocaíochtaí éigeantacha

Airteagal 164

Rialacha a shíneadh

1. I gcásanna ina measfar go bhfuil eagraíocht táirgeoirí aitheanta, comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta nó

eagraíocht idirchraoibhe aitheanta atá ag oibriú i limistéar sonrach eacnamaíoch nó limistéir shonracha eacnamaíocha de Bhallstát ionadaíoch do tháirgeadh, do thrádáil nó do phróiseáil táirge ar leith, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann, arna iarraidh sin don eagraíocht sin, roinnt de na comhaontuithe, de na cinntí nó de na cleachtais chomhbheartaithe a comhaontaíodh laistigh den eagraíocht sin a chur de cheangal go ceann tréimhse teoranta ar oibreoirí eile atá ag oibriú sa limistéar eacnamaíoch nó sna limistéir eacnamaíocha sin, bíodh daoine aonair nó grúpaí nó baill den eagraíocht nó den chomhlachas i gceist nach baill den eagraíocht nó den chomhlachas iad.

2. Chun críocha na Roinne seo, ciallaíonn "limistéar eacnamaíoch" crios geografach arb é atá ann réigiún táirgthe thadhlaíoch nó chomharsanacha ina bhfuil na dálaí táirgthe agus margaíochta aonchineálach.

3. Measfar go bhfuil eagraíocht nó comhlachais ionadaíoch más rud é, sa limistéar eacnamaíoch nó sna limistéir eacnamaíocha den Bhallstát:

(a) gurb ionann é, mar chion de mhéid táirgthe nó trádála nó próiseála an táirge nó na dtáirgí atá i gceist agus:

(i) i gcás eagraíochtaí táirgeoirí san earnáil torthaí agus glasraí, ar a laghad 60 %, nó

(ii) i gcásanna eile, ar a laghad dhá thrian, agus

(b) gurb ionann é, i gcás eagraíochtaí táirgeoirí, agus méid is mó ná 50 % de na táirgí lena mbaineann.

I gcás eagraíochtaí idirchraoibhe, áfach, agus go n-eascraíonn deacrachtaí praiticiúla as cion toirt an táirgthe lena mbaineann a chinneadh, nó as cion toirt na trádála sa táirge nó sna táirgí nó as cion toirt phróiseáil an táirge nó na dtáirgí, féadfaidh Ballstát rialacha náisiúnta a leagan síos lena chinnfear leibhéal sonraithe an ionadaíochais dá dtagraítear i bpointe (a)(ii) den chéad fhomhír.

I gcás ina ndéantar iarraidh ar rialacha a shíneadh chuig oibreoirí eile, má bhaineann sí le níos mó ná réigiún amháin, taispeánfaidh an eagraíocht nó an comhlachas go bhfuil an t-íosleibhéal ionadaíochta acu arna shainiú sa chéad fhomhír i gcás gach ceann de chraobhacha a ghrúpáilann sé i ngach ceann de na limistéir eacnamaíocha lena mbaineann.

4. Na rialacha faoina bhféadfar síneadh chuig oibreoirí eile a iarraidh dá bhforáiltear i mír 1, beidh ceann amháin de na haidhmeanna seo a leanas acu:

(a) tuairisciú táirgthe agus tuairisciú margaidh;

(b) rialacha táirgthe atá níos déine ná na rialacha atá leagtha síos i rialacha an Aontais nó i rialacha náisiúnta;

(c) conarthaí caighdeánacha atá ag luí le rialacha an Aontais a tharraingt suas;

- (d) rialacha maidir le margaíocht;
- (e) rialacha maidir le cosaint an chomhshaoil;
- (f) bearta chun acmhainneacht táirgí a chur chun cinn agus leas a bhaint as an acmhainneacht sin;
- (g) bearta chun feirmeoireacht orgánach chomh maith le sonrúcháin tionscnaimh, lipéid cháilíochta agus tásca geografacha a chosaint;
- (h) taighde chun breisluach a thabhairt do na táirgí, go háirithe trí úsáidí nua nach baol don tsláinte phoiblí iad a bhaint astu;
- (i) staidéir ar conas cáilíocht na dtáirgí a fheabhsú;
- (j) taighde, go háirithe taighde ar mhodhanna saothraithe a d'fhágfaidh nár ghá a oiread céanna táirgí cosanta plandaí ná táirgí sláinte ainmhithe a úsáid agus lena ráthófaí go gcaomhnófaí an ithir nó go gcuirfí feabhas ar an gcomhshaoil;
- (k) sainiú íoschaighdeán agus sainiú íoschaighdeán maidir le pacáistiú agus cur i láthair;
- (l) úsáid síolta deimhnithe agus faireachán ar cháilíocht na dtáirgí;
- (m) rialacha maidir le sláinte ainmhithe, sláinte plandaí nó sábháilteacht bia;
- (n) rialacha maidir le bainistiú a dhéanamh ar fhotháirgí.

Ní dhéanfaidh na rialacha sin aon dochar d'oibreoirí eile sa Bhallstát lena mbaineann ná san Aontas agus ní bheidh mar thoradh orthu aon cheann de na hiarmhairtí atá liostaithe in Airteagal 210(4) ná ní bheidh siad ar neamhréir ar aon slí eile le dlí an Aontais nó le rialacha náisiúnta atá i bhfeidhm.

5. Caithfear na hoibreoirí a chur ar an eolas faoi leathnú na rialacha dá dtagraítear i mír 1 trína bhfoilsíú ina n-iomláine i bhfoilseachán oifigiúil an Bhallstáit lena mbaineann.

6. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi aon chinntí a ghlactar faoin Airteagal seo.

Airteagal 165

Ranníocaíochtaí airgeadais ó dhaoine aonair nó grúpaí nach comhaltaí iad

I gcás go leathnaítear faoi Airteagal 164 rialacha de chuid eagraíochta táirgeoirí aitheanta, de chuid comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta, nó de chuid eagraíochta idirchraoibhe aitheanta agus go bhfuil na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis na rialacha sin chun leasa ghinearálta eacnamaíoch oibreoirí eacnamaíocha a mbaineann a ngníomhaíochtaí leis na táirgí i gceist, féadfaidh an Ballstát a thug an t-aitheantas, i gcás na n-oibreoirí eacnamaíocha aonair sin nó na ngrúpaí nach baill den eagraíocht iad, ach a bhaineann tairbhe as na gníomhaíochtaí sin, tar éis dó dul i mbun comhairle leis na hoibreoirí eacnamaíocha aonair sin nó na grúpaí nach comhaltaí den eagraíocht iad, ach a bhaineann tairbhe as na gníomhaíochtaí sin, a íocfaidh leis an eagraíocht na ranníocaíochtaí go léir nó cuid díobh a íocann comhaltaí na

heagraíochta sin a mhéid atá na ranníocaíochtaí sin ceaptha costais a chhlúdach a thabhaítear go díreach i ngeall ar a bheith ag gabháil do na gníomhaíochtaí sin.

Roinn 4

Oiriúnú an tsoláthair

Airteagal 166

Bearta chun oiriúnú an tsoláthair do riachtanais an mhargaidh a éascú

D'fhonn na heagraíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 152 go Airteagal 163 spreagadh chun gníomh a dhéanamh chun coigeartú an tsoláthair do riachtanais an mhargaidh a éascú, amach ó ghníomhaíocht a bhaineann le tarraingt siar ón margadh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir le bearta sna hearnálacha a liostaítear in Airteagal 1(2),

- (a) lena gcuirtear feabhas ar an gcáilíocht;
- (b) lena gcuirtear eagrú feabhsaithe an táirgthe, na próiseála agus na margaíochta chun cinn;
- (c) lena ndéantar taifeadadh treochtaí i bpraghsanna an mhargaidha éascú;
- (d) lena ndéantar bunú réamh-mheastachán gearrthéarmach agus fadtéarmach ar bhonn na modhanna táirgthe a úsáideadh a cheadú.

Airteagal 167

Rialacha margaíochta chun feidhmiú an chómhargaidh i bhfionta a fheabhsú agus a chobhsú

1. Chun feidhmiú an chómhargaidh i bhfionta, lena n-áirítear fionchaora, úrflhonta agus na fionta óna ndéantar iad, a fheabhsú agus a chobhsú, féadfaidh Ballstáit ar táirgeoirí iad rialacha margaíochta a leagan síos chun an soláthar a rialú, go háirithe trí chinntí arna ndéanamh ag na heagraíochtaí idirchraoibhe atá aitheanta faoi Airteagal 157 agus Airteagal 158.

Beidh na rialacha sin i gcomhréir leis an gcuspóir atá á saothrú agus:

- (a) ní bhainfidh siad le haon idirbheart tar éis chéadmhargáíocht an táirge lena mbaineann;
- (b) ní cheadóidh siad socrú praghsanna, lena n-áirítear socrú praghsanna mar threoir nó mar mholadh;
- (c) ní áiríteoidh siad nach mbeidh fáil ar sciar rómhór d'fhómhar an fhiona a bheadh ar fáil murach iad;
- (d) ní chuirfidh siad deis ar fáil chun go ndiúltófar deimhnithe náisiúnta agus deimhnithe Aontais a eisiúint a gá leo i gcomhair cúrsaíochta agus margaíochta fionta i gcás ina mbeidh an mhargáíocht sin i gcomhréir leis na rialacha sin.

2. Déanfar na hoibreoirí a chur ar an eolas faoi na rialacha dá bhforáiltear i mír 1 trína bhfoilsíú ina n-iomláine i bhfoilseachán oifigiúil an Bhallstáit lena mbaineann.

3. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi aon chinneadh a ghlacfar faoin Airteagal seo.

Roinn 5

Córais chonarthaí

Airteagal 168

Caidreamh conarthach

1. Gan dochar d'Airteagal 148 maidir le hearnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne ná d'Airteagal 125 maidir le hearnáil an tsiúcra, má chineann Ballstát, i dtaca le le táirgí feirmeoireachta ó eárnáil seachas bainne agus táirgí bainne agus siúcra, ar táirgí iad a liostaítear in Airteagal 1(2), aon cheann de na nithe seo:

- (a) nach mór aon seachadadh ar a chríocha a dhéanann táirgeoir chuig próiseálaí nó dáileoir a chumhdach le conradh scríofa idir na páirtithe,
- (b) nach mór do na chéad-cheannaitheoirí tairiscint i scríbhinn a dhéanamh chun conradh le haghaidh táirgí feirmeoireachta a bheith á seachadadh ar a chríocha ag an táirgeoir a fháil,

comhlíonfar, le conradh den sórt sin nó le tairiscint den sórt ar chonradh na coinníollacha a leagtar síos i mír 4 agus i mír 6 den Airteagal seo.

2. I gcás ina gcinnfidh an Ballstát nach mór seachadtaí na dtáirgí ag táirgeoir ar phróiseálaí a chumhdach le conradh i scríbhinn idir na páirtithe, cinnfidh sé freisin cé acu céim nó céimeanna an tseachadta a bheidh cumhdaithe leis an gconradh sin má dhéantar seachadadh na dtáirgí lena mbaineann trí idirghabhálaí amháin nó níos mó ná sin.

Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfar dochar d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh leis na forálacha a leagann siad síos faoin Airteagal seo.

3. Sa chás a ndéantar tuairisc air i mír 2, féadfaidh an Ballstát sásra idirghabhála a bhunú le go gcumhdófar na cásanna sin nach féidir conradh den sórt sin a thabhairt chun críche ina leith de bhíthin comhaontuithe frithpháirteach, agus caidreamh cothrom conarthach a áirithiú dá bhrí sin.

4. Maidir le haon chonradh nó tairiscint ar chonradh dá dtagraítear i mír 1:

- (a) déanfar é roimh an seachadadh;
- (b) déanfar i scríbhinn é; agus
- (c) áireofar ann, go háirithe, na gnéithe seo a leanas:
 - (i) an praghas is iníoctha ar an seachadadh, ar praghas é:
 - a bheidh seasta agus a leagfar amach sa chonradh, agus/nó
 - a ríomhfar trí thosca éagsúla a chur le chéile a bheidh leagtha amach sa chonradh, a bhféadfadh táscairí margaidh a bheith san áireamh iontu lena léirítear athruithe i gcoinníollacha an mhargaidh, an

toirt arna seachadadh agus cáilíocht nó comhshuíomh na dtáirgí feirmeoireachta arna seachadadh,

- (ii) cainníocht agus cáilíocht na dtáirgí lena mbaineann a chaithfear nó nach gcaithfear a sheachadadh agus uainiú na seachadtaí sin,
- (iii) fad an chonartha, a bhféadfaidh fad cinnte nó fad éiginnte le clásail foircinn a bheith san áireamh leis,
- (iv) mionsonraí maidir le tréimhsí íocaíochta agus nósanna imeachta,
- (v) socruithe maidir leis na táirgí feirmeoireachta a bhailiú nó a sheachadadh, agus
- (vi) na rialacha is infheidhme i gcás force majeure.

5. De mhaolú ar mhír 1, ní bheidh gá le conradh, nó tairiscint i dtaca le conradh i gcás ina seachadfaidh táirgeoir na dtáirgí lena mbaineann ar cheannaitheoir ar chomharchumann é a bhfuil an táirgeoir ina chomhalta de más rud go bhfuil, i reachtanna an chomharchumainn sin, nó sna rialacha agus sna cinní dá bhforáiltear sna reachtanna sin nó a thagann de na reachtanna sin, forálacha a bhfuil éifeachta acu atá comhchosúil léi siúd atá leagtha amach i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) de mhír 4.

6. Caibidleofar go neamhshrianta idir na páirtithe gnéithe uile na gconarthaí maidir le seachadadh táirgí feirmeoireachta arna gcur i gcrích ag táirgeoirí, ag bailitheoirí, ag próiseálaithe nó ag dáileoirí, lena n-áirítear na gnéithe sin dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 4.

Gan dochar don chéad fhómhír, beidh feidhm ag ceann amháin den mhéid seo a leanas, nó ag an dá cheann:

- (a) i gcás ina gcinnfidh Ballstát na conarthaí i scríbhinn maidir le seachadadh táirgí feirmeoireachta a dhéanamh éigeantach i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh sé fad íosta a bhunú nach mbeidh infheidhme ach amháin maidir le conarthaí i scríbhinn idir táirgeoir agus céad-cheannaitheoir na dtáirgí feirmeoireachta. Sé mhí ar a laghad a bheidh san fhad íosta sin agus ní dhéanfaidh sé difear d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh;
- (b) i gcás ina gcinnfidh Ballstát nach mór do chéad-cheannaitheoir na dtáirgí feirmeoireachta tairiscint i scríbhinn ar chonradh a thabhairt don táirgeoir i gcomhréir le mír 1, féadfaidh sé a fhoráil nach mór go n-áireofaí sa tairiscint fad íosta don chonradh, a leagtar amach chun na críche sin sa dlí náisiúnta. Sé mhí ar a laghad a bheidh san fhad íosta sin agus ní dhéanfaidh sé difear d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

Beidh an dara fómhír gan dochar do cheart an táirgeora an fad íosta sin a dhiúltú, ar choinníoll gur i scríbhinn a dhéanfaidh sé é sin. Sa chás sin, beidh na páirtithe saor chun gnéithe uile an chonartha a chaibidliú, lena n-áirítear na gnéithe sin dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 4.

7. Áiritheoidh na Ballstáit a bhaineann leas as na roghanna dá dtagraítear san Airteagal seo nach ndéanfar dochar d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh leis na forálacha a leagtar síos.

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoin gcaoi a chuireann siad i bhfeidhm aon bhearta a tugadh isteach faoin Airteagal seo.

8. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na bearta is gá maidir le cur i bhfeidhm comhionann i bpointe (a) agus (b) de mhír 2 agus de mhír 3 den Airteagal seo agus bearta a bhaineann leis na fógraí a bheidh le tabhairt ag na Ballstáit i gcomhréir leis an Airteagal seo.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 169

Caibidlíocht chonarthaigh in earnáil na hola olóige

1. Féadfaidh eagraíocht táirgeoirí in earnáil na hola olóige a aithnítear faoi Airteagal 152(1) agus a shaothraíonn ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí i dtaca le comhchruinniú an tsoláthair, i dtaca leis na táirgí a tháirgeann a cuid comhaltaí a chur ar an margadh, i dtaca le barrfheabhas a chur ar na costais táirgthe, caibidlíocht a dhéanamh thar ceann a cuid comhaltaí maidir le cuid de tháirgeadh nó táirgeadh comhiomlánaithe a cuid comhaltaí nó a dtáirgeadh iomlán i dtaca le conarthaí maidir le hola olóige a sholáthar.

Comhlíonann eagraíocht táirgeoirí na coinníollacha a luaitear sa mhír seo ar choinníoll go bhfuil comhtháthú gníomhaíochtaí mar thoradh ar shaothrú na gcuspóirí sin agus gur dóigh go nginfear éifeachtúlacht shonrach leis an gcomhtháthú sin ionas go gcuirfidh gníomhaíochtaí na heagraíochta táirgeoirí ina hiomlán le baint amach chuspóirí Airteagal 39 CFAE.

D'fhéadfaí an méid sin a bhaint amach ar choinníoll mar a leanas:

- (a) go gcuireann an eagraíocht táirgeoirí ceann amháin ar a laghad de na gníomhaíochtaí seo a leanas i gcrích:
 - (i) comhdháileadh, lena n-áirítear comhardán díola nó comhiompar;
 - (ii) comhphacáistiú, comhlipéadú nó cur chun cinn comhpháirteach;
 - (iii) comheagrú an rialaithe cháilíochta;
 - (iv) comhúsáid trealamh nó áiseanna stórais;
 - (v) comhphróiseáil;
 - (vi) comhbhainistiú an fhuíll a bhaineann go díreach le táirgeadh ola olóige;
 - (vii) comhsholáthar ionchuir;
- (b) tá na gníomhaíochtaí sin sonrach ó thaobh toirt na hola olóige lena mbaineann agus ó thaobh chostas an táirgthe agus costas an táirge a chur ar an margadh.

2. Féadfaidh an eagraíocht aitheanta táirgeoirí caibidlíocht a dhéanamh:

- (a) cibé acu a aistríonn nó nach n-aistríonn na táirgeoirí úinéireacht na hola olóige i gceist chuig an eagraíocht táirgeoirí;
- (b) cibé acu is ionann nó nach ionann an praghas a chaibidlítear maidir le táirgeadh comhiomlánaithe cuid de na comhaltaí, nó táirgeadh comhiomlánaithe na gcomhaltaí ar fad;
- (c) ar choinníoll, maidir le heagraíocht táirgeoirí ar leith, nach mó ná 20 % den mhargadh ábhartha toirt tháirgeadh na hola olóige a chumhdaítear leis an gcaibidlíocht sin agus a tháirgtear in aon Bhallstát ar leith;
- (d) ar choinníoll, maidir le toirt na hola olóige a chumhdaítear leis an gcaibidlíocht sin, go gcomhchruinníonn an eagraíocht táirgeoirí an soláthar agus go gcuireann sí táirge a cuid comhaltaí ar an margadh; chun críocha toirt tháirgeadh na hola olóige dá a ríomh, déanfar idirdhealú idir ola olóige le haghaidh tomhaltais ag daoine agus ola olóige le haghaidh feidhmeanna eile.
- (e) ar choinníoll nach bhfuil na táirgeoirí lena mbaineann ina gcomhaltaí d'eagraíocht táirgeoirí ar bith eile a dhéanann caibidlíocht ar na conarthaí sin ar son na dtáirgeoirí freisin;
- (f) ar choinníoll nach mbeidh an ola olóige cumhdaithe le haon oibleagáid soláthair a eascróidh ó chomhaltas an táirgeora i gcomharchumann nach bhfuil ina chomhalta den eagraíocht táirgeoirí lena mbaineann i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i reachtanna an chomarchumainn nó sna rialacha agus sna cinntí dá bhforáiltear sna reachtanna sin nó a thagann de na reachtanna sin; agus
- (g) ar choinníoll go ndéanann an eagraíocht táirgeoirí údarás inniúla an Bhallstáit ina bhfuil sé ag oibriú a chur ar an eolas maidir le toirt na hola olóige a chumhdófar leis an gcaibidlíocht sin.

3. Chun críocha an Airteagail seo, áireofar freisin le tagairtí d'eagraíochtaí táirgeoirí comhlachais na n-eagraíochtaí táirgeoirí sin a aithnítear faoi Airteagal 156(1).

4. Chun críocha pointe (c) de mhír 2 a chur i bhfeidhm, foilseoidh an Coimisiún, trí cibé modh a mheasann sé a bheith iomchuí, méid na táirgeachta ola olóige sna Ballstáit.

5. De mhaolú ar phointe (c) de mhír 2, fiú nuair nach sáraítear na tairseacha a leagtar amach ann, féadfaidh an t-údarás iomaíochta dá dtagraítear sa dara fómhír den mhír seo cinneadh a dhéanamh i gcás aonair i dtaobh ar cheart caibidlíocht áirithe na heagraíochta táirgeoirí a athoscailt nó nár cheart di tarlú ar chor ar bith má mheasann sé go bhfuil sé sin riachtanach chun cosc a chur ar eisiáimh iomaíochta nó má chineann sé go gcuirtear cuspóirí Airteagal 39 CFAE i mbaol.

I gcás caibidlíochta ina gcumhdaítear níos mó ná Ballstát amháin, is é an Coimisiún a dhéanfaidh an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó(3) a chur i bhfeidhm. Is é údarás náisiúnta iomaíochta an Bhallstáit lena mbaineann an chaibidlíocht a dhéanfaidh an cinneadh sin i ngach cás eile.

Ní bheidh feidhm ag na cinntí dá dtagraítear sa mhír seo roimh an dáta a bhfógraítear iad do na gnóthais lena mbaineann.

Chun críocha an Airteagail seo, beidh feidhm ag an sainmhíniú ar "údarás inniúil náisiúnta" atá i bpointe (a) d'Airteagal 149(7).

6. Maidir leis na Ballstáit ina dtarlóidh an chaibidlíocht i gcomhréir leis an Airteagal seo, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún maidir le cur i bhfeidhm pointe (g) de mhír 2 agus mhír 5.

Airteagal 170

Caibidlíocht chonarthaigh in earnáil na mairteola agus na laofheola

1. Féadfaidh eagraíocht táirgeoirí in earnáil na mairteola agus na laofheola a aithnítear faoi Airteagal 152(1) agus a shaothraíonn ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí i dtaca le comhchruinniú an tsoláthair, i dtaca leis na táirgí a tháirgeann a cuid comhaltaí a chur ar an margadh, agus i dtaca le costais táirgthe a bharrfheabhsú, caibidlíocht a dhéanamh thar ceann a cuid comhaltaí, maidir le cuid de tháirgeadh comhiomlán a cuid comhaltaí nó a dtáirgeadh iomlán, i dtaca le conarthaí maidir le soláthar eallaí beo den chineál *Bos taurus* lena marú a thagann faoi Chóid AC ex 0102 29 21, ex 0102 29 41, ex 0102 29 51, ex 0102 29 61, nó ex 0102 29 91) ar eallaí iad atá:

- (a) níos óige ná 12 mhí; agus
- (b) 12 mhí d'aois agus níos sine

Comhlíonann eagraíocht táirgeoirí na coinníollacha a luaitear sa mhír seo ar choinníoll go bhfuil comhtháthú gníomhaíochtaí mar thoradh ar shaothrú na gcuspoirí sin agus gur dóigh go nginfear éifeachtúlacht shonrach leis an gcomhtháthú sin ionas go gcuirfidh gníomhaíochtaí na heagraíochta táirgeoirí ina hiomlán le baint amach chuspóirí Airteagal 39 CFAE.

D'fhéadfaí an méid sin a bhaint amach ar choinníoll mar a leanas:

- (a) go gcuireann an eagraíocht táirgeoirí ceann amháin ar a laghad de na gníomhaíochtaí seo a leanas i gcrích:
 - (i) comhdháileadh, lena n-áirítear comhardán díola nó comhiompar;
 - (ii) cur chun cinn comhpháirteach;
 - (iii) comheagrú an rialaithe cháilíochta;
 - (iv) comhúsáid trealamh nó áiseanna stórais;
 - (v) comhbhainistiú an fhuíll a bhaineann go díreach le táirgeadh eallaí beo;

(vi) comhsholáthar ionchuir;

(b) tá na gníomhaíochtaí sin sonrach ó thaobh toirt na mairteola agus na laofheola lena mbaineann agus ó thaobh chostas an táirgthe agus costas an táirge a chur ar an margadh.

2. Féadfaidh an eagraíocht aitheanta táirgeoirí caibidlíocht a dhéanamh:

- (a) cibé acu a aistríonn nó nach n-aistríonn na feirmeoirí úinéireacht chuig an eagraíocht táirgeoirí;
 - (b) cibé acu is ionann nó nach ionann an praghas a chaibidlítear maidir le táirgeadh comhiomlánaithe cuid de na comhaltaí, nó táirgeadh comhiomlánaithe na gcomhaltaí ar fad;
 - (c) ar choinníoll, maidir le heagraíocht táirgeoirí ar leith, nach mbeidh méid na táirgeachta mairteola agus na laofheola a chumhdaítear leis an gcaibidlíocht sin agus a tháirgtear in aon Bhallstát ar leith níos mó ná 15 % de tháirgeadh náisiúnta iomlán gach táirge dá dtagraítear in (a) agus (b) den chéad fhomhír de mhír 1 i dtéarmaí chomhionann an mheáchain chonablaigh;
 - (d) ar choinníoll, maidir le cainníocht na mairteola agus na laofheola a chumhdaítear leis an gcaibidlíocht sin, go gcomhchruinníonn an eagraíocht táirgeoirí an soláthar agus go gcuireann sí táirge a cuid comhaltaí ar an margadh;
 - (e) ar choinníoll nach bhfuil na táirgeoirí lena mbaineann ina gcomhaltaí d'eagraíocht táirgeoirí ar bith eile a dhéanann caibidlíocht ar na conarthaí sin ar son na dtáirgeoirí freisin;
 - (f) ar choinníoll nach mbeidh an táirge i dtrácht cumhdaithe le haon oibleagáid chun soláthair a eascroidh ó chomhaltas an táirgeora i gcomharchumannach nach ball den eagraíocht táirgeoirí lena mbaineann é, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i reachtanna an chomarchumainn nó sna rialacha agus sna cinntí dá bhforáiltear sna reachtanna sin nó a chineann uathu; agus
 - (g) ar choinníoll go ndéanann an eagraíocht táirgeoirí údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil sé ag oibriú a chur ar an eolas maidir le cainníocht tháirgeadh an mhairteola agus an laofheola a chumhdófar leis an gcaibidlíocht sin.
3. Chun críocha an Airteagail seo, áireofar freisin le tagairtí d'eagraíochtaí táirgeoirí comhlachais na n-eagraíochtaí táirgeoirí sin a aithnítear faoi Airteagal 156(1).
4. Chun críocha pointe (c) de mhír 2 a chur i bhfeidhm, foilseoidh an Coimisiún, trí chibé modh a mheasann sé a bheith iomchuí, cainníocht na táirgeachta mairteola agus laofheola sna Ballstáit i dtéarmaí chomhionann an mheáchain chonablaigh.

5. De mhaolú ar phointe (c) de mhír 2, fiú nuair nach sáraítear na tairseacha a leagtar amach iontu, féadfaidh an t-údarás iomaíochta dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo cinneadh a dhéanamh i gcás aonair i dtaobh ar cheart caibidlíocht áirithe na heagraíochta táirgeoirí a athoscailt nó nár cheart di tarlú ar chor ar bith má mheasann sé go bhfuil sé sin riachtanach chun cosc a chur ar eisiamh iomaíochta, nó má chinneann sé gur cuid de mhargadh ar leith é an táirge a chumhdaítear leis an gcaibidlíocht de bharr shaintréithe sonracha an táirge nó de bharr na húsáide beartaithe dó agus go gcumhdóidh an chomhchaibidlíocht sin níos mó ná 15 % de tháirgeacht náisiúnta an mhargaidh sin, nó má chinneann sé go bhfuil cuspóirí Airteagal 39 CFAE á gcur i mbaol.

I gcás caibidlíochtaí ina gcumhdaítear níos mó ná Ballstát amháin, is é an Coimisiún a dhéanfaidh an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó(3) a chur i bhfeidhm. Is é údarás náisiúnta iomaíochta an Bhallstáit lena mbaineann an chaibidlíocht a dhéanfaidh an cinneadh sin i ngach cás eile.

Ní bheidh feidhm ag na cinntí dá dtagraítear sa mhír seo roimh an dáta a bhfógraítear iad do na gnóthais lena mbaineann.

Chun críocha an Airteagail seo, beidh feidhm ag an sainmhíniú ar 'údarás iomaíochta náisiúnta' dá bhforáiltear i bpointe (a) d'Airteagal 149(7).

6. Maidir leis na Ballstáit ina dtarlóidh an chaibidlíocht i gcomhréir leis an Airteagal seo, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún maidir le cur i bhfeidhm phointe (g) de mhír 2 agus mhír 5.

Airteagal 171

Caibidlíocht chonarhach i dtaca le barra curaíochta

1. Féadfaidh eagraíocht táirgeoirí a aithnítear faoi Airteagal 152(1) agus a shaothraíonn ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí i dtaca le comhchruinniú an tsoláthair, i dtaca leis na táirgí a tháirgeann a cuid comhaltaí a chur ar an margadh, agus i dtaca le costais táirgthe a bharrfheabhsú, caibidlíocht a dhéanamh thar ceann a cuid comhaltaí, maidir le cuid de tháirgeadh comhiomlán a cuid comhaltaí nó a dtáirgeadh iomlán, i dtaca le conarthaí maidir le soláthar ceann amháin nó níos mó de na táirgí seo a leanas nach bhfuil ceaptha lena gcur agus, i gcás eorna, nach bhfuil ceaptha lena bhcradh:

- (a) gnáthchruithneacht a thagann faoi cód CN ex 1001 99 00;
- (b) eorna a thagann faoi cód CN ex 1003 90 00;
- (c) arbhar indiach a thagann faoi cód CN ex 1005 90 00;
- (d) seagal a thagann faoi cód CN ex 1002 90 00;
- (e) cruithneacht chrua a thagann faoi cód CN ex 1001 19 00;
- (f) coirce a thagann faoi cód CN ex 1004 90 00;

- (g) triteacál a thagann faoi cód CN ex 1008 60 00;
- (h) síol ráibe a thagann faoi cód CN ex 1205;
- (i) síol lus na gréine a thagann faoi cód CN ex 1206 00;
- (j) pónairí soighe a thagann faoi cód CN ex 1201 90 00;
- (k) pónairí léana a thagann faoi cód CN ex 0708 agus ex 0713;
- (l) píseanna léana a thagann faoi cód CN ex 0708 agus ex 0713.

Comhlíonann eagraíocht táirgeoirí na coinníollacha a luaitear sa mhír seo ar choinníoll go bhfuil comhtháthú gníomhaíochtaí mar thoradh ar shaothrú na gculpóirí sin agus gur dóigh go nginfear éifeachtúlacht shonrach leis an gcomhtháthú sin ionas go gcuirfidh gníomhaíochtaí na heagraíochta táirgeoirí ina hiomlán le baint amach chuspóirí Airteagal 39 CFAE.

D'fhéadfaí an méid sin a bhaint amach ar choinníoll:

- (a) go gcuireann an eagraíocht táirgeoirí ceann amháin ar a laghad de na gníomhaíochtaí seo a leanas i gcrích:
 - (i) comhdháileadh, lena n-áirítear comhardán díola nó comhiompar;
 - (ii) cur chun cinn comhpháirteach;
 - (iii) comheagrú an rialaithe cháilíochta;
 - (iv) comhúsáid trealamh nó áiseanna stórais;
 - (v) comhsholáthar ionchuir;
 - (b) tá na gníomhaíochtaí sin sonrach ó thaobh toirt na táirgeachta lena mbaineann agus ó thaobh chostas an táirgthe agus costas an táirge a chur ar an margadh.
2. Féadfaidh an eagraíocht aitheanta táirgeoirí caibidlíocht a dhéanamh:
- (a) cibé acu a n-aistrítear úinéireacht ó na táirgeoirí chuig an eagraíocht táirgeoirí nó nach n-aistrítear;
 - (b) cibé acu is ionann nó nach ionann an praghas a chaibidlítear maidir le táirgeadh comhiomlánaithe cuid de na comhaltaí, nó táirgeadh comhiomlánaithe na gcomhaltaí ar fad;
 - (c) ar choinníoll, maidir le gach táirge dá dtagraítear i mír 1 agus i leith eagraíochta táirgeoirí ar leith, nach mbeidh méid na táirgeachta a chumhdaítear leis an gcaibidlíocht sin a tháirgtear in aon Bhallstát ar leith níos mó ná 15 % de tháirgeadh náisiúnta iomlán na táirgeachta náisiúnta iomlán den táirge sin sa Bhallstát lena mbaineann;
 - (d) ar choinníoll, maidir le méid na dtáirgí a chumhdaítear leis an gcaibidlíocht sin, go gcomhchruinniú an eagraíocht táirgeoirí an soláthar agus go gcuireann sí táirge a cuid comhaltaí ar an margadh;
 - (e) ar choinníoll nach bhfuil na táirgeoirí lena mbaineann ina gcomhaltaí d'eagraíocht táirgeoirí ar bith eile a dhéanann caibidlíocht ar na conarthaí sin ar son na dtáirgeoirí freisin;

(f) ar choinníoll nach mbeidh an táirge i dtrácht cumhdaithe le haon oibleagáid chun soláthair a eascróidh ó chomhaltas an táirgeora i gcomharchumann nach ball den eagraíocht tairgeoirí lena mbaineann é, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i reachtanna an chomarchumainn nó sna rialacha agus sna cinntí dá bhforáiltear sna reachtanna sin nó a chineann uathu; agus

(g) ar choinníoll go ndéanann an eagraíocht tairgeoirí údarás inniúla an Bhallstáit ina bhfuil sé ag oibriú a chur ar an eolas maidir le toirt na tairgeachta a chumhdófar leis na caibidlíochta sin.

3. Chun críocha an Airteagail seo, áireofar freisin le tagairtí d'eagraíochtaí tairgeoirí comhlachais na n-eagraíochtaí tairgeoirí sin a aithnítear faoi Airteagal 156(1).

4. Chun pointe (c) de mhír 2 a chur i bhfeidhm, foilseoidh an Coimisiún, trí cibé modh a mheasann sé a bheith iomchuí, méid na tairgeachta sna Ballstáit i leith na dtáirgí dá dtagraítear i mír 1.

5. De mhaolú ar phointe (c) de mhír 2, fiú nuair nach sáraítear na tairseacha a leagtar amach iontu, féadfaidh an t-údarás iomaíochta dá dtagraítear sa dara fómhír den mhír seo cinneadh a dhéanamh i gcás aonair i dtaobh ar cheart caibidlíocht áirithe na heagraíochta tairgeoirí a athoscailt nó nár cheart di tarlú ar chor ar bith má mheasann sé go bhfuil sé sin riachtanach chun cosc a chur ar eisiamh iomaíochta, nó má chinneann sé gur cuid de mhargadh ar leith é an tairge a chumhdaítear leis an gcaibidlíocht de bharr shaintréithe sonracha an tairge nó de bharr na húsáide beartaithe dó agus go gcumhdóidh an chomhchaibidlíocht sin níos mó ná 15 % de tháirgeacht náisiúnta an mhargaidh sin, nó má chinneann sé go bhfuil cuspóirí Airteagal 39 CFAE á gcur i mbaol.

I gcás caibidlíochtaí ina gcumhdaítear níos mó ná Ballstát amháin, is é an Coimisiún a dhéanfaidh an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó(3) a chur i bhfeidhm. Is é údarás náisiúnta iomaíochta an Bhallstáit lena mbaineann an chaibidlíocht a dhéanfaidh an cinneadh sin i ngach cás eile.

Ní bheidh feidhm ag na cinntí dá dtagraítear sa mhír seo roimh an dáta a bhfógraítear iad do na gnóthais lena mbaineann.

Chun críocha an Airteagail seo, beidh feidhm ag an sainmhíniú ar 'údarás inniúil náisiúnta' dá bhforáiltear i bpointe (a) d'Airteagal 149(7).

6. Maidir leis na Ballstáit ina dtarlóidh an chaibidlíocht i gcomhréir leis an Airteagal seo, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún maidir le cur i bhfeidhm phointe (g) de mhír 2 agus mhír 5.

Airteagal 172

Rialáil an tsoláthair maidir le liamhás a bhfuil sonrúchán cosanta tionscnaimh nó tásca cosanta geografach aici

1. Arna iarraidh sin d'eagraíocht tairgeoirí a aithnítear faoi phointe (a) den chéad mhír d'Airteagal 152(1) den Rialachán seo, ag eagraíocht idirchraoibhe a aithnítear faoi Airteagal

157(1) den Rialachán seo agus do ghrúpa oibreoirí dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1151/2012, féadfaidh na Ballstáit, ar feadh tréimhse teoranta ama, rialacha ceangailteacha a leagan síos maidir le rialáil soláthair liamhás a bheidh ag tairbhiú de shonrúchán cosanta tionscnaimh nó de thásca cosanta geografach faoi Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

2. Comhlíonfar leis na rialacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo na coinníollacha a leagtar amach i mír 4 den Airteagal seo agus beidh siad faoi réir théarmaí aon chomhaontaithe a bheidh déanta roimh ré idir na páirtithe sa limistéar geografach dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012. Tabharfar an comhaontú sin chun críche, tar éis dul i gcomhairle le tairgeoirí muc sa limistéar geografach, idir dhá thrian de phróiseálaithe an liamháis ar a laghad arb ionann a mhéid agus dhá thrian ar a laghad den liamhás sin sa limistéar geografach dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 agus, má mheasann an Ballstát gurb iomchuí é, dhá thrian ar a laghad de thairgeoirí muc sa limistéar geografach dá dtagraítear in bpointe (c) d'Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

3. Maidir leis na rialacha dá dtagraítear i mír 1.

(a) ní chumhdófar leo ach amháin rialáil sholáthar an tairge lena mbaineann agus/nó a amháibhar agus beidh sé d'aidhm acu soláthar an liamháis sin a oiriúnú don éileamh;

(b) ní bheidh éifeacht acu ach amháin maidir an tairge lena mbaineann;

(c) ní fhéadfaidh siad a bheith ceangailteach ar feadh tréimhse níos faide ná trí bliana agus féadfar iad a athnuachan tar éis na tréimhse sin tar éis iarraidh nua, mar a thagraítear dó i mír 1, a fháil;

(d) ní dhéanfar damáiste leo do thrádáil tairgí seachas na tairgí lena mbaineann na rialacha dá dtagraítear i mír 1;

(e) ní bhainfidh siad le haon idirbheart tar éis chéadmhargú an liamháis lena mbaineann;

(f) ní cheadófar leo socrú praghsanna, lena n-áirítear socrú praghsanna mar threoir nó mar mholadh;

(g) ní áiríteofar leo nach mbeidh fáil ar sciar rómhór den tairge lena mbaineann a bheadh ar fáil murach sin;

(h) ní chuirfear idirdhealú ar bun leo, nó ní bheidh siad ina mbac d'iontrálaithe nua sa mhargadh nó ina gcúis go ndéanfar dochar do leasanna tairgeoirí beaga;

(i) rannchuideoidh siad le cáilíocht agus/nó forbairt an tairge lena mbaineann;

4. Foilseofar na rialacha dá dtagraítear i mír 1 i bhfoilseachán oifigiúil an Bhallstáit lena mbaineann.

5. Déanfaidh na Ballstáit seiceálacha chun a áirithiú go bhfuil na coinníollacha a leagtar síos i mír 3 á gcomhlíonadh, agus i gcás ina gcinfidh na húdaráis náisiúnta inniúla nach bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh, déanfaidh siad na rialacha dá dtagraítear i mír 1 a aisghairm.

6. Tabharfaidh na Ballstáit fógra láithreach don Choimisiún faoi na rialacha dá dtagraítear i mír 1 a bheidh glactha acu. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas faoi aon fhógra de na rialacha sin.

7. Féadfaidh an Coimisiún tráth ar bith gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gceanglaítear go n-aisghairfidh Ballstát na rialacha atá leagtha síos ag an mBallstát sin de bhun mhír 1 más léir don Choimisiún nach gcomhlíonann na rialacha sin na coinníollacha a leagtar síos i mír 4 nó go ndéanann siad iomaíocht a chosc nó a shaoibhadh i gcuid shubstantiúil den mhargadh inmheánach, nó saorthrádail a chur i gcontúirt nó go bhfuil baint amach chuspóirí Airteagal 39 CFAE á chur i mbaol. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) den Rialachán seo a chur i bhfeidhm.

Roinn 6

Rialacha nós imeachta

Airteagal 173

Cumhachtaí tarmiligthe

1. D'fhonn a áirithiú go ndéanfar cuspóirí agus freagrachtaí eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí na dtáirgeoirí, agus eagraíochtaí idirchraoibhe a shainiú go soiléir chun cur lena éifeachtaí atá gníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí agus na gcomhlachas sin gan ualach riaracháin miréireach agus gan baint de phrionsabail shaoirse an chomhlachais go háirithe i ndáil le neamhchomhaltaí na n-eagraíochtaí sin, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmiligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir leis na hábhair seo a leanas i ndáil le heagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, eagraíochtaí idirchraoibhe agus eagraíochtaí oibreoirí le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), nó táirgí sonracha na n-earnálacha sin.

(a) na cuspóirí sonracha a fhéadfaidh eagraíochtaí agus comhlachais den sórt sin a shaothrú; agus, i gcás inarb infheidhme, a chuirtear leo siúd atá leagtha síos in Airteagal 152 go hAirteagal 163;

(b) rialacha na n-eagraíochtaí agus na gcomhlachas sin, reachtanna eagraíochtaí seachas eagraíochtaí táirgeoirí, na coinníollacha sonracha is infheidhme maidir le reachtanna na n-eagraíochtaí táirgeoirí in earnálacha áirithe, lena n-áirítear maoluithe ar [an oibleagáid an táirgeacht go léir a mhargú tríd an eagraíocht táirgeoirí dá dtagraítear sa dara mír d'Airteagal 160, struchtúr, tréimhse ballraíochta, méid, cuntasacht agus gníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí sin agus na gcomhlachas sin, na héifeachtaí a eascraíonn as an aitheantas, as aitheantas a tharraingt siar, agus as cumaisc;

(c) na coinníollacha maidir leis an aitheantas, le haitheantas a tharraingt siar nó a chur ar fionraí, na héifeachtaí a thagann

as an aitheantas, as aitheantas a tharraingt siar agus as é a chur ar fionraí chomh maith leis na ceanlais do na heagraíochtaí agus na comhlachais sin maidir le bearta feabhais a dhéanamh mura n-urramaítear na critéir aitheantais;

(d) eagraíochtaí agus comhlachais thrasnáisiúnacha lena n-áirítear na rialacha dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den mhír seo;

(e) na rialacha a bhaineann le bunú an chúnamh riaracháin agus le coinníollacha an chúnamh riaracháin a bheidh le tabhairt ag na húdaráis inniúla ábhartha i gcás comhair thrasnáisiúnta;

(f) na hearnálacha a bhfuil feidhm ag Airteagal 161 maidir leo, na coinníollacha maidir le gníomhaíochtaí a sheachfhoinsiú, cineál na ngníomhaíochtaí a fhéadfar a sheachfhoinsiú agus soláthar acmhainní teicniúla ag eagraíochtaí nó comhlachais;

(g) an bonn ar a ríomhfar íosmhéid nó íosluach de tháirgeadh indíolta eagraíochtaí agus comhlachas;

(h) glacadh le comhaltaí nach táirgeoirí iad i gcás na n-eagraíochtaí táirgeoirí agus nach eagraíochtaí táirgeoirí iad i gcás comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí;

(i) síneadh rialacha áirithe de chuid na n-eagraíochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 164 chuig eagraíochtaí nach comhaltaí iad agus an íocaíocht éigeantach suibscríbhinní ó eagraíochtaí nach comhaltaí iad dá dtagraítear in Airteagal 165, lena n-áirítear úsáid agus leithdháileadh na n-íocaíochtaí sin ó na heagraíochtaí sin agus liosta de na rialacha níos déine táirgthe a fhéadfar a shíneadh faoi phointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 164(4), agus é á áirithiú go bhfuil eagraíochtaí den chineál sin trédhearcach agus cuntasach i leith neamhchomhaltaí go nach gcaitear níos fabharai le comhaltaí d'eagraíochtaí den chineál sin ná mar a chaithfead le neamhchomhaltaí, go háirithe maidir le híocaíocht éigeantach síntiús a úsáid;

(j) breis ceanglas maidir le hionadaíocht a dhéanamh ar na heagraíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 164, na limistéir eacnamaíocha lena mbaineann, lena n-áirítear scrúdú a bheith á dhéanamh ag an gCoimisiún ar shainiú na limistéir sin; íostréimhsí a mbeidh feidhm ag na rialacha lena linn sula gcuirfead síneadh leo, na daoine nó na heagraíochtaí a bhféadfar na rialacha nó na ranníocaíochtaí a chur i bhfeidhm maidir leo, agus na himthosca ina bhféadfaidh an Coimisiún a chur de cheangal go ndíúltófar nó go dtarraingeofar siar síneadh na rialacha nó na ranníocaíochtaí éigeantacha.

2. D'fhonn a áirithiú go saineofar go soiléir cuspóirí agus freagrachtaí eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne, chun cur le héifeachtacht ghníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí sin gan ualach míchuí a chur orthu, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmiligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos an méid seo a leanas:

(a) na coinníollacha chun aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta agus do chomhlachais thrasnáisiúnta eagraíochtaí táirgeoirí;

- (b) na rialacha a bhaineann le bunú an chúnamh riaracháin agus le coinníollacha an chúnamh riaracháin a bheidh le tabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí, lena n-áirítear comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, ag na húdaráis inniúla ábhartha i gcás comhair thrasnáisiúnta;
- (c) rialacha breise maidir le ríomh thoirt an bhainne amh a chumhdófar leis an gcaibidilíocht dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 149(2) agus in Airteagal 149(3);
- (d) rialacha maidir le síneadh rialacha áirithe de chuid na n-eagraíochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 164 chuig eagraíochtaí nach comhaltaí iad agus an íocaíocht éigeantach suibscríbhinní ó eagraíochtaí nach comhaltaí iad dá dtagraítear in Airteagal 165.

Airteagal 174

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

1. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na bearta is gá chun an Chaibidil seo a chur i bhfeidhm, go háirithe:
 - (a) bearta chun cur chun feidhme a dhéanamh ar na coinníollacha chun aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí agus d'eagraíochtaí idirchraoibhe a leagtar amach in Airteagal 154 agus in Airteagal 158;
 - (b) nósanna imeachta i gcás ina ndéanfar cumasc idir eagraíochtaí táirgeoirí;
 - (c) nósanna imeachta a chinneadh na Ballstáit maidir le híomhaid agus maidir le híostréimhse ballraíochta;
 - (d) nósanna imeachta a bhaineann le síneadh rialacha agus ranníocaíochtaí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 164 agus in Airteagal 165, go háirithe cur i bhfeidhm an choincheapa "limistéar eacnamaíoch" dá dtagraítear in Airteagal 164(2);
 - (e) nósanna imeachta maidir le cúnamh riaracháin;
 - (f) nósanna imeachta maidir le gníomhaíochtaí a sheachfhoinisí;
 - (g) nósanna imeachta agus dálaí teicniúla a bhaineann le cur chun feidhme na mbearta dá dtagraítear in Airteagal 166.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

2. Mar mhaolú ar mhír 1, maidir le hearnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha chun cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha mionsonraithe a bheidh riachtanach do:

- (a) cur chun feidhme na gcoinníollacha chun aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí agus dá gcomhlachais agus d'eagraíochtaí idirchraoibhe a leagtar amach in Airteagal 161 agus in Airteagal 163;
- (b) an fógra dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 149(2);

- (c) na fógraí a dhéanfaidh na Ballstáit don Choimisiún i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 161(3), le pointe (e) d'Airteagal 163(3), le hAirteagal 149(8) agus le hAirteagal 150(7);

- (d) na nósanna imeachta a bhaineann le cúnamh riaracháin i gcás comhair thrasnáisiúnta.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 175

Cumhachtaí eile cur chun feidhme

Trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, féadfaidh an Coimisiún cinntí aonair a ghlacadh maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí atá i mbun gníomhaíochtaí i níos mó ná Ballstát amháin, de bhun na rialacha a ghlactar faoi phointe (d) d'Airteagal 174(1);
- (b) agóid i gcoinne aitheantais ó Bhallstát ar eagraíocht idirchraoibhe nó sin a aistarraingt;
- (c) an liosta de na limistéir eacnamaíochta sin a dtugann na Ballstáit fógra ina leith de bhun na rialacha a ghlactar faoi phointe (h) d'Airteagal 174(1) agus faoi phointe (d) d'Airteagal 174(2);
- (d) an ceanglas ar Bhallstát síneadh rialacha nó ranníocaíochtaí éigeantacha ó neamhchomhaltaí a chinneadh an Ballstát sin a dhiúltú nó a aisghairm.

Glactar na gníomhartha cur chun feidhme sin gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3).

CUID III

TRÁDÁIL LE TRÍÚ TÍORTHA

CAIBIDIL I

Ceadúnais allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin

Airteagal 176

Rialacha gearrálta

1. Gan dochar do chásanna ina n-éileofar ceadúnais allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin i gcomhréir leis an Rialachán seo, allmhairiú táirge amháin nó níos mó ó na hearnálacha a leanas isteach san Aontas lena scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta nó onnmhairiú táirge talmhaíochta amháin nó níos mó as an Aontas, féadfar é a chur faoi réir ceadúnas a thíolacadh:

- (a) gránaigh;
- (b) rís;
- (c) siúcra;
- (d) síolta;

- (e) ola olóige agus ológa boird, maidir le táirgí a thagann faoi chuimsiú chóid AC 1509, 1510 00, 0709 92 90, 0711 20 90, 2306 90 19, 1522 00 31 agus 1522 00 39;
- (f) líon agus cnáib, a mhéad a bhaineann le cnáib;
- (g) torthaí agus glasraí;
- (h) torthaí agus glasraí próiseáilte;
- (i) earnáil na mbananá;
- (j) fíon;
- (k) plandaí beo;
- (l) mairteoil agus laofheoil;
- (m) bainne agus táirgí bainne;
- (n) muiceoil;
- (o) earnáil na caoireola agus na feola gabhair;
- (p) uibheacha;
- (q) feoil éanlaithe clóis;
- (r) earnáil an alcóil eitile de thionscnamh talmhaíochta

2. Eiseoidh na Ballstáit ceadúnais d'aon iarratasóir, beag beann ar a áit bhunaíochta san Aontas, ach amháin má fhoráiltear a mhalairt i ngníomh a ghlacfar i gcomhréir le hAirteagal 43(2) CFAE, agus é sin gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 177, Airteagal 178 agus Airteagal 179 den Rialachán seo.

3. Beidh na ceadúnais bailí ar fud an Aontais.

Airteagal 177

Cumhachtaí tarmligthe

1. D'fhonn a chur san áireamh oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais agus na caighdeáin sóisialta, comhshaoil agus leasa ainmhithe is infheidhme de chuid an Aontais, an gá atá le faireachán a dhéanamh ar fhorás cúrsaí trádála agus forbairtí sa mhargadh, ar allmhairiú agus ar onnmhairiú na dtáirgí, mar aon leis an gá atá ann an margadh a bhainistiú ar bhonn fónta agus an gá atá leis an ualach riaracháin a laghdú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena gcinnfear:

- (a) liosta na dtáirgí ó na hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 176(1) faoi réir ceadúnas allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin a thíolacadh;
- (b) na cásanna agus na himthosca nach mbeidh sé de cheangal iontu ceadúnas allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin a thíolacadh, lena gcuirfear san áireamh stádas custaim na dtáirgí lena mbaineann, na socrúithe trádála a bheidh le comhlíonadh, cuspóirí na n-oibríochtaí, stádas dlíthiúil an iarratasóra agus na cainníochtaí a bheidh i gceist.

2. D'fhonn eilimintí breise an chórais cheadúnais a sholáthar, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos rialacha maidir leis na hábhair seo a leanas:

- (a) na cearta agus na hoibleagáidí a thagann ón gceadúnas agus éifeachtaí dlíthiúla an cheadúnais, agus na cásanna ina bhfuil feidhm ag lamháltas maidir le hurrámú na hoibleagáide allmhairiú nó onnmhairiú a dhéanamh ar an líon a luaitear ar an gceadúnas nó i gcás ina bhfuil an áit thionscnaimh le léiriú ar an gceadúnas;
- (b) foráil a dhéanamh go mbeidh eisiúint ceadúnais allmhairiúcháin nó scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta faoi réir tíolacadh doiciméid arna eisiúint ag tríú tír nó ag eintiteas a dheimhniú, inter alia, tionscnamh, barántúlacht agus saintréithe cáilíochta na dtáirgí;
- (c) aistriú an cheadúnais nó srianta ar an inaistritheacht sin;
- (d) coinníollacha breise do cheadúnais allmhairiúcháin i gcomhair cnáibe i gcomhréir le hAirteagal 189 agus prionsabal an chúnamh riaracháin idir Bhallstáit chun calaíoch nó neamhrialtachtaí a chosc nó chun déileáil leo;
- (e) na cásanna agus na himthosca a chinneadh ina gceanglaítear nó nach gceanglaítear urrús a thaisceadh lena ráthaítear go ndéanfar na táirgí a allmhairiú nó a onnmhairiú laistigh de thréimhse bailíochta an cheadúnais.

Airteagal 178

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta is gá a ghlacadh chun an Chaibidil seo a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) formáid agus ábhar an cheadúnais allmhairiúcháin;
- (b) cur isteach iarratas, eisiúint ceadúnas agus úsáid ceadúnas;
- (c) tréimhse bhailíochta an cheadúnais agus méid an urrúis a bheidh le taisceadh agus na nósanna imeachta chuige sin;
- (d) na nósanna imeachta le haghaidh, agus méid, an urrúis le taisceadh;
- (e) an cruthúnas gur comhlíonadh na ceanglais maidir le húsáid ceadúnas;
- (f) an leibhéal lamháltais maidir le hurrámú na hoibleagáide allmhairiú nó onnmhairiú a dhéanamh ar an líon a luaitear ar an gceadúnas;
- (g) eisiúint ceadúnas athsholáthair agus ceadúnas dúblach;

(h) an chaoi a bpróiseálfaidh na Ballstáit na ceadúnais agus an malartú faisnéise is gá chun an córas a bhainistiú, lena n-áirítear na nósanna imeachta maidir leis an gcúnamh sonrathach riaracháin idir Ballstáit.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 179

Cumhachtaí eile cur chun feidhme

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha chur chun feidhme a ghlacadh:

- lena gcuirtear teorainn leis na cainníochtaí a bhféadfadh ceadúnais a eisiúint lena n-aghaidh;
- lena ndiúltaítear do na cainníochtaí ar cuireadh iarratas isteach orthu; agus
- lena gcuirtear an tíolacadh iarratas ar fionraí d'fhonn an margadh a bhainistiú i gcás ina gcuirtear iarratais isteach ar chainníochtaí móra.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) a chur i bhfeidhm.

CAIBIDIL II

Dleachtanna allmhairiúcháin

Airteagal 180

Cur chun feidhme comhaontuithe idirnáisiúnta agus gníomhartha áirithe eile

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos bearta chun na ceanglais atá leagtha síos i gcomhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh[...] i gcrích i gcomhréir leis [...] an gConradh a chomhlíonadh, [nó in aon ghníomh ábhartha eile] arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 43(2) nó le hAirteagal 207 CFAE, nó faoin gComhtharaif Chustaim maidir le dleachtanna allmhairiúcháin i leith táirgí talmhaíochta. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 181

Córas an phraghais iontrála i gcás táirgí áirithe de chuid earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus earnáil na bhfionta

1. Maidir le cur i bhfeidhm ráta dleachta na Comhtharaife Custaim i leith táirgí de chuid earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus i leith sú fionchaor agus úrfhíon fionchaor, beidh praghas iontrála coinsíneachta combhionann lena luach custaim arna ríomh i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle⁽¹⁾ (an Cód Custaim) agus Rialachán (CE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún⁽²⁾.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 1992 ag bunú Chód Custaim an Chomhphobail (IO L 302, 19.10.1992, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún an 2 Iúil 1993 ag leagan síos forálacha chun Rialachán (CE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle ag bunú Chód Custaim an Chomhphobail a chur chun feidhme (IO L 253, 11.10.1993, lch. 1).

2. D'fhonn éifeachtúlacht an chórais a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 chun foráil a dhéanamh go seiceálfar firinneacht phraghas iontrála dearbhaithe na coinsíneachta trí leas a bhaint as luach allmhairiúcháin ar ráta comhréidh agus go soláthrófar na coinníollacha faoina n-éilítear urrús a thaisceadh.

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunófar rialacha maidir le ríomh an luacha allmhairiúcháin ar ráta comhréidh dá dtagraítear i mír 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 182

Dleachtanna allmhairiúcháin breise

1. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcinntear na táirgí sin in earnáil na ngránach, in earnáil na ríse, in earnáil na tsiúcra, in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte, in earnáil na mairteola agus na laofheola, in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne, in earnáil na muiceola, in earnáil na caoireola agus na feola gabhair, in earnáil na n-uibheacha, in earnáil na feola éanlaithe clóis agus na mbananaí, agus in earnáil na dtáirgí sú fionchaor agus na dtáirgí úrfhíona fionchaor, a ndéanfar, i gcás ina n-allmhairítear iad faoi réir an ráta dleachta a leagtar síos sa Chomhtharaif Chustaim, dleacht bhreise allmhairiúcháin a chur i bhfeidhm maidir leo, chun éifeachtaí díobhálacha ar mhargadh an Aontais a d'fhéadfadh teacht as na hallmhairí sin a chosc nó chun cur ina n-aghaidh, más rud é:

- go ndéanfar na hallmhairithe ar phraghas níos ísle ná an leibhéal a chuir an tAontas in iúl don Eagraíocht Dhomhanda Trádála EDT (an trucearphraghas); nó
- go sáróidh méid na n-allmhairí leibhéal áirithe (an trucearmhéid) i mbliain ar bith.

Bunófar an trucearmhéid ar dheiseanna rochtana ar an margadh a shaineofar mar allmhairí i bhfoirm céatadán den tomhaltas comhfhreagrach intíre ar feadh na dt trí bliana roimhe sin.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

2. Ní fhorchuirtear dleachtanna breise allmhairiúcháin nuair nach dócha go suaithefidh na hallmhairí margadh an Aontais, nó i gcás ina mbeadh na héifeachtaí díreireach i gcomparáid leis an gcuspóir a bheartófar.

3. Chun críocha phointe (a) den chéad fhomhí de mhír 1, cinnfear praghsanna allmhairiúcháin ar bhonn praghsanna costas, árachais agus last-táille na coinsíneachta atá á bhreithniú. Déanfar praghsanna chostas, árachais agus last-táille allmhairiúcháin a sheiceáil in aghaidh phraghsanna ionadaíochta an táirge sin ar an margadh domhanda nó phraghsanna ionadaíochta an táirge ar mhargadh allmhairiúcháin an Aontais.

4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos nabearta is gá chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

*Airteagal 183***Cumhachtaí eile cur chun feidhme**

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena socraítear:

- (a) leibhéal an dleachta allmhairiúcháin a chuirfear i bhfeidhm i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha amach i gcomhaontú idirnáisiúnta a rinneadh i gcomhréir le CFAE, sa Chomhtharaif Chustaim agus sna gníomhartha chur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 180;
- (b) na praghsanna ionadaíochas agus na trucearmhéideanna chun críocha breis dleachtanna allmhairiúcháin a chur i bhfeidhm faoi chuimsiú na rialacha arna nglacadh de bhun an chéad fhomhír d'Airteagal 182(1).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin gan an nós imeachta da dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) a chur i bhfeidhm.

*CAIBIDIL III***Bainistiú an tarraifchuóta agus cóir speisialta d'onnhairithe ó thrú tíortha***Airteagal 184***Cuótaí taraife**

1. Cuótaí taraife ar allmhairí táirgí talmhaíochta scaoilfeadh na haghaidh saorchúrsaíochta san Aontas (nó i gcuid de), nó cuótaí taraife ar allmhairí táirgí talmhaíochta de chuid an Aontais isteach i dtrú tíortha a bheidh le riar ina n-iomláine nó i bpáirt ag an Aontas, ar cuótaí taraife iad a bheidh ina dtoradh ar chomhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích i gcomhréir le CFAE nó as aon ghníomh eile arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 43(2) nó le hAirteagal 207 CFAE, déanfaidh an Coimisiún iad a oscailt agus/nó a riar trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 186 agus trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 187 agus Airteagal 188 den Rialachán seo.

2. Riarfar na cuótaí taraife ar dhóigh go seachnófar gach dealú idir na hoibreoirí lena mbaineann, trí cheann de na modhanna seo a leanas nó teaghlaim díobh nó modh oiriúnach eile a chur i bhfeidhm:

- (a) modh a bheidh bunaithe ar an ord croineolaíoch inar cuireadh iarratais isteach (prionsabal 'tús freastail ar an gceann is túisce');
- (b) modh dáileacháin a bheidh comhréireach leis na cainníochtaí a iarradh nuair a tfolacadh na hiarratais ('modh an scrúdaithe chomhuainigh');
- (c) modh a bheidh bunaithe ar phatrúin trádála thraidisiúnta a chur san áireamh (ag baint úsáide as an 'modh traidisiúnta/núíosach').

3. Déanfaidh an modh riaracháin a ghlacfar an méid seo a leanas:

- (a) i gcás cuótaí taraifí allmhairiúcháin, tabharfaidh sé an aird is cuí ar riachtanais soláthair mhargadh táirgthe, próiseála agus

tomhaltais an Aontais, idir an margadh atá ann cheana agus an margadh atá ag teacht chun cinn, i dtaca le hiomaíochas, le deimhneacht agus le leanúnachas an tsoláthair agus ar an ngá atá le cothromaíocht an mhargaidh sin a chosaint, agus

- (b) i gcás cuótaí taraifí onnmhairiúcháin, fágfaidh sé go bhféadfar an úsáid is mó is féidir a bhaint as an gcuóta lena mbaineann.

*Airteagal 185***Tarraifchuótaí sonracha**

Chun éifeacht a thabhairt dona cuótaí taraife chun 2 000 000 tona arbhair Indiaigh agus 300 000 tona sorguim a allmhairiú isteach sa Spáinn agus i gcás na gcuótaí taraife chun 500 000 tona arbhair Indiaigh a allmhairiú isteach sa Phortaingéil a chur i gcrích, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 227 lena mbunaítear na forálacha is gá chun na hallmhairí cuótaí taraife a dhéanamh agus, nuair is iomchuí sin, na forálacha maidir le stóráil phoiblí na gcainníochtaí allmhairithe ag gníomhaireachtaí íocaíochta na mBallstát lena mbaineann agus maidir lena ndiúscairt ar mhargáí na mBallstát sin.

*Airteagal 186***Cumhachtaí tarmligthe**

1. D'fhonn a áirithiú go mbeidh rochtain chothrom ar na cainníochtaí a bheidh ar fáil agus go gcaithfeadh go cothrom le hoibreoirí laistigh den tarraifchuóta, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227:

- (a) lena gcinnteofar na coinníollacha agus na ceanglais cháilitheachta nach mór d'oireoir a chomhlíonadh chun iarratas a chur isteach laistigh den tarraifchuóta; d'fhéadfadh sé go gceanglódh na forálacha i gceist íosmhéid taithí ar thrádáil le tríú tíortha agus le críocha asamhlaithe, nó ar ghníomhaíocht phróiseála, taithí arna sloinneadh in íosmhéid ama agus i dtréimhse íosta in earnáil ar leith den mhargadh; féadfaidh rialacha sonracha a bheith ar áireamh sna forálacha sin chun freastal ar riachtanais agus ar chleachtas earnála áirithe, agus ar úsáidí agus riachtanais tionscal próiseála;
- (b) lena mbunófar rialacha maidir le cearta a aistriú idir oibreoirí agus i gcás inar gá, na teorainneacha le haistriú laistigh de bhainistiú an tarraifchuóta;
- (c) rannpháirtíocht sa chuóta taraife allmhairiúcháin a chur faoi réir urrús a thaisceadh;
- (d) lena bhforálfar, i gcás inar gá, d'aon saintréithe sonracha, riachtanais nó srianta is infheidhme maidir leis an gcuóta taraife mar a leagtar amach sa chomhaontú idirnáisiúnta nó sa ghníomh eile dá dtagraítear in Airteagal 184(1) é.

2. D'fhonn a áirithiú go bhféadadh táirgí allmhairithe tairbhí de chóir speisialta ar a n-allmhairiú isteach i dtrú tír in imthosca áirithe, de bhun comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas i gcomhréir le CFAE, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 den Rialachán seo,

maidir le rialacha lena ndéanfar ceangal a chur ar údarais inniúla na mBallstát doiciméad a eisiúint, arna iarraidh sin dóibh agus tar éis do na seiceálacha cuí a bheith déanta, ar doiciméad é lena ndeimhneofar go gcomhlíonfar na coinníollacha do tháirgí a fhéadfaidh tairbhiú de chóir speisialta, nuair a dhéanfar iad a allmhairiú isteach i dtríú tír agus má dhéantar imthosca áirithe a urramú.

Airteagal 187

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos an méid seo a leanas:

- (a) na cuótaí taraife bliantúla, agus, más ga, iad céimnithe ar bhealach oiriúnach feadh na bliana, agus ina theannta sin an modh riaracháin a bheidh le húsáid;
- (b) nósanna imeachta maidir le cur i bhfeidhm na bhforálacha sonracha atá leagtha síos sa chomhaontú nó sa ghníomh lena nglactar na socruithe allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:
 - (i) ráthaíochtaí a chumhdaíonn cineál, foinse agus tionscnamh an táirge;
 - (ii) aitheantas a thabhairt don doiciméad a úsáideadh chun na ráthaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (i) a fhíorú;
 - (iii) tíolacadh doiciméid a d'eisigh an tír is onnmhaireoir;
 - (iv) ceann scríbe agus úsáid na dtáirgí;
- (c) tréimhse bhailíochta na gceadúnas nó na n-údaruithe;
- (d) na nósanna imeachta agus méid an urrúis a bheidh le taisceadh;
- (e) úsáid ceadúnas agus, i gcás inar gá sin, na bearta sonracha, go háirithe, maidir leis na coinníollacha faoina gcuirfear isteach iarratais ar allmhairiú agus faoina ndeonófar údarú laistigh den chuóta taraife;
- (f) nósanna imeachta agus critéir theicniúla chun Airteagal 185 a chur i bhfeidhm.
- (g) bearta riachtanacha maidir le hábhar, foirm, eisiúint agus úsáid an doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 186(2).

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 188

Cumhachtaí eile cur chun feidhme

1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme, maidir le bainistiú a dhéanamh ar an bpróiseas lena ráthófar

nach sárófar na cainníochtaí a bheidh ar fáil laistigh den chuóta taraife, go háirithe trí chomhéifeacht leithdháilte a shocrú le haghaidh gach iarratais nuair a shroictear na cainníochtaí atá ar fáil, trí iarratais ar feitheamh a dhiúltú agus, i gcás inar gá sin, trí thíolacadh na n-iarratas a chur ar fionraí.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i dtaca leis na cainníochtaí nár úsáideadh a ath-leithdháileadh.

3. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear san Airteagal seo gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) a chur i bhfeidhm.

CAIBIDIL IV

Forálacha speisialta allmhairiúcháin i gcás táirgí áirithe

Airteagal 189

Allmhairithe cnáibe

1. Ní fhéadfar na táirgí seo a leanas a allmhairiú isteach san Aontas ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) fíorchnáib amh atá faoi chuimsiú chód AC 5302 10 00 agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 32(3) agus in Airteagal 35(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013;
- (b) síolta de chineálacha cnáibe atá faoi chuimsiú chód AC ex 1207 99 20, ar síolta iad atá le cur, agus cruthúnas ag gabháil leo nach sáraíonn leibhéal teitrihidreacannaibionóil an chineáil atá i gceist an leibhéal a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 32(3) agus Airteagal 35(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.
- (c) síolta cnáibe nach bhfuil le cur, faoi chuimsiú chód AC 1207 99 91 agus a allmhairítear ag allmhaireoirí a bhfuil údarú acu ón mBallstát agus acu sin amháin chun a áirithiú nach bhfuil sé beartaithe na síolta sin a chur.

2. Beidh feidhm ag an Airteagal seo gan dochar do rialacha níos srianta arna nglacadh ag na Ballstáit i gcomhréir le CFAE agus leis na hoibleagáidí faoi Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála ar Thalmhaíocht.

Airteagal 190

Allmhairithe cnáibe

1. Ní fhéadfar táirgí earnáil na leannlusanna a allmhairiú ó thríú tíortha ach amháin más ionann a gcaighdeáin cháilíochta ar a laghad agus na caighdeáin cháilíochta arna nglacadh le haghaidh táirgí comhchosúla arna mbaint laistigh den Aontas nó atá déanta ó na táirgí sin.

2. Measfar go bhfuil táirgí den chaighdeán dá dtagraítear i mír 1 má tá fianú in éineacht leo a d'eisigh údarais na tíre tionscnaimh agus a aithnítear a bheith coibhéiseach leis an deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 77.

I gcás púdair leannlusanna, púdair leannlusanna a bhfuil cion níos airde lúpailin ann, eastóscán leannlusanna, agus táirgí leannlusanna measctha, ní fhéadfar an fianú a aithint mar choibhéiseach leis an deimhniú ach amháin mura bhfuil cion aigéid alfa na dtáirgí sin níos ísle ná cion aigéid alfa na leannlusanna ónar ullmhaíodh iad.

3. Chun an t-ualach riaracháin a laghdú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227, na coinníollacha a shocrú nach bhfuil feidhm ag na hoibleagáidí maidir le fianú coibhéise agus lipéadú pacáistithe fúthu.

4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos na bearta is gá chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear na rialacha maidir le fianuithe coibhéise a aithint agus allmhairí leannlusanna a sheiceáil. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 191

Maoluithe maidir le táirgí arna n-allmhairiú agus urrús speisialta in earnáil an fhíona

Féadfar maoluithe a ghlacadh ó phointe 5 de Roinn B de Chuid II d'Iarscríbhinn VIII, nó ó Roinn C de Chuid II d'Iarscríbhinn VI maidir le táirgí arna n-allmhairiú i gcomhréir le hAirteagal 43(2) CFAE, de bhun oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais.

I gcás maoluithe ar phointe 5 de Roinn B de Chuid II d'Iarscríbhinn VIII, déanfaidh allmhairioirí urrús i leith na dtáirgí sin a thaisceadh leis na húdaráis chustaim ainmnithe tráth a scaoiltear le haghaidh saorchúrsaíochta iad. Scaoilfear an t-urrús nuair a sholáthróidh an t-allmhairioir cruthúnas a shásóidh údaráis chustaim an Bhallstáit ina scaoilfear na táirgí le haghaidh saorchúrsaíochta:

- (a) nár thairbhígh na táirgí de na maoluithe; nó,
- (b) i gcás inar thairbhígh siad de na maoluithe, nach ndearnadh fionta díobh, nó i gcás ina ndearnadh fionta díobh, gur cuireadh an lipéadú iomchuí orthu.

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha d'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Airteagail seo a áirithiú, lena n-áirítear méideanna an urrúis agus céard is lipéadú iomchuí ann. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 192

Siúcra amh do scagadh a allmhairiú

1. Go dtí deireadh na bliana margaí 2016-2017, deonófar cumas allmhairiúcháin eisiach 2 500 000 tonna in aghaidh na bliana margaí, a léirítear i siúcra bán, do scagairí lánaimseartha.

2. Measfar gur scagaire lánaimseartha an t-aon mhonarcha phróiseála biatais siúcra a bhí ag feidhmiú sa Phortaingéil in 2005.

3. Ní eiseofar ceadúnais allmhairiúcháin i gcomhair siúcra lena scagadh ach do scagairí lánaimseartha amháin ar choinníoll nach sáraíonn na cainníochtaí lena mbaineann na cainníochtaí dá dtagraítear i mír 1. Ní fhéadfar na ceadúnais a aistriú ach idir scagairí lánaimseartha amháin agus téann a mbailíocht in éag ag deireadh na bliana margaíochta dár eisíodh iad.

Beidh feidhm ag an mír seo ar feadh an chéad trí mhí de gach bliain mhargaíochta.

4. D'fhonn a áirithiú go scagfar siúcra allmhairithe lena scagadh i gcomhréir leis an Airteagal seo, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 227, lena leagtar síos an méid a leanas:

- (a) téarmaí a úsáid le haghaidh oibriú na socrúithe allmhairiúcháin dá dtagraítear i mír 1;
- (b) na coinníollacha agus na ceanglais cháilitheachta a ghlacadh nach mór d'oibreoir a chomhlíonadh chun iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin a thaisceadh, lena n-áirítear taisceadh urrúis;
- (c) rialacha a ghlacadh maidir le pionóis riaracháin atá le gearradh.

5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena leagtar síos na rialacha is gá maidir leis na doiciméid tacaíochta a bheidh le soláthar i gcomhar leis na ceanglais agus leis na hoibleagáidí is infheidhme d'allmhairioirí, agus go háirithe do scagairí lánaimseartha. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 193

Fionraí dleachtanna allmhairiúcháin in earnáil an tsíúcra

Go dtí deireadh na bliana margaíochta 2016-2017, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena ndéanfar, chun an soláthar is gá a ráthú i gcomhair mhonarú táirgí dá dtagraítear in Airteagal 140(2), dleachtanna allmhairiúcháin a chur ar fionraí go hiomlán nó i bpáirt i gcás cainníochtaí áirithe maidir leis na táirgí seo a leanas:

- (a) siúcra a thagann faoi chuimsiú chód AC 1701;
- (b) iseaghlúcós a thagann faoi chuimsiú chód AC 1702 30 10, 1702 40 10, 1702 60 10 agus 1702 90 30.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

CAIBIDIL V

Cosaint agus próiseáil isteach*Airteagal 194***Bearta cosanta**

1. Déanfaidh an Coimisiún bearta cosanta i gcoinne allmhairithe isteach san Aontas, faoi réir mhír 3 den Airteagal seo, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ⁽¹⁾ agus Rialachán (CE) Uimh. 625/2009 ⁽²⁾ ón gComhairle.

2. Ach amháin má fhoráiltear dá mhalairt in aon ghníomh eile ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus in aon ghníomh eile ón gComhairle, déanfaidh an Coimisiún bearta cosanta i gcoinne allmhairí isteach san Aontas i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, ar bearta iad dá bhforáiltear i gcomhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích le CFAE.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear na bearta dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo, arna iarraidh sin do Bhallstát nó ar a thionscnamh féin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

I gcás ina bhfaigheann an Coimisiún iarraidh ó Bhallstát déanfaidh sé cinneadh ina leith, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, laistigh de chúig lá oibre tar éis dó an iarraidh a fháil. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

I gcás ina mbeidh forais phráinneacha rithábachtacha ann a mbeidh údar maith leo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach bonn i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(3).

Na bearta a ghlacfar, cuirfear in iúl iad láithreach do na Ballstáit agus beidh éifeacht acu láithreach.

4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme, lena gcúlghairmfear nó lena leasófar bearta cosanta de chuid an Aontais a ghlacfar de bhun mhír 3 den Airteagal seo a. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

I gcás ina mbeidh forais phráinneacha rithábachtacha ann a mbeidh údar maith leo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach bonn i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(3).

*Airteagal 195***Socruithe próiseála agus próiseála isteach a chur ar fionraí**

I gcás ina gcuirfear isteach ar mhargadh an Aontais nó inar dóigh go gcuirfear isteach air de thoradh socruithe próiseála nó próiseála isteach, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 lena mbunaítear na comhrialacha d'onnmhairí, (IO L 84; 31.3.2009, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 625/2009 ón gComhairle an 7 Iúil 2009 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thrú tíortha áirithe (IO L 185, 17.7.2009, lch. 1).

chun feidhme a ghlacadh, arna iarraidh sin do Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, úsáid na socruithe próiseála nó próiseála isteach a chur ar fionraí i bpáirt nó go hiomlán, i gcás táirgí earnálacha na ngránach, na ríse, an tsiúcra, na hola olóige agus na n-ológ boird, na dtorthaí agus na nglasraí, na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte, an fhíona, na mairteola agus na laofheola, an bhainne agus na dtáirgí bainne, na muiceola, na caoireola agus na feola gabhair, na n-uibheacha, na feola éanlaithe clóis agus an alcóil eitile de thionscnamh talmhaíochta. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

I gcás ina bhfaigheann an Coimisiún iarraidh ó Bhallstát déanfaidh sé cinneadh ina leith, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, laistigh de chúig lá oibre tar éis dó an iarraidh a fháil. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

I gcás ina mbeidh forais phráinneacha rithábachtacha ann a mbeidh údar maith leo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach bonn i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(3).

Na bearta a ghlacfar, cuirfear in iúl iad láithreach do na Ballstáit agus beidh éifeacht acu láithreach.

CAIBIDIL VI

Aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin*Airteagal 196***Raon Feidhme**

1. A mhéid is gá chun onnmhairí a dhéanamh ar bhonn luachanna nó phraghsanna an mhargaidh dhomhanda nuair a thagann dálaí ar an margadh inmheánach faoi raon feidhme Airteagal 219(1) agus in Airteagal 221 agus laistigh de na teorainneacha arb iad comhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích i gcomhréir leis an gConradh is bunús leo, féadfar an difríocht idir na luachanna sin agus praghsanna san Aontas a chumhdach le haisíocaíochtaí onnmhairiúcháin don méid seo a leanas:

(a) táirgí na n-earnálacha seo a leanas a bheidh le honnmhairiú gan tuilleadh próiseála:

(i) gránaigh;

(ii) rís;

(iii) siúcra, maidir leis na táirgí a liostaítear i bpointí (b) go (d) agus (g) de Chuid III d'Iarscríbhinn I;

(iv) mairteoil agus laofheoil;

(v) bainne agus táirgí bainne;

(vi) muiceoil;

(vii) uibheacha;

(viii) feoil éanlaithe clóis;

(b) na táirgí atá liostaithe i bpointí (i) go (iii), (v) agus (vii) de phointe (a) den mhír seo ar táirgí iad atá le honnmhairiú i bhfoirm earraí próiseáilte i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1216/2009 ⁽¹⁾, agus i bhfoirm táirgí ina bhfuil siúcra arna liostú i bpointe (b) de Chuid X d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Ní bheidh na haisíocaíochtaí onnmhairiúcháin do tháirgí a onnmhairíodh i bhfoirm earraí próiseáilte níos mó ná na haisíocaíochtaí is infheidhme maidir leis na táirgí céanna a onnmhairíodh gan tuilleadh próiseála.

3. Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 219(1) agus Airteagal 221, EUR 0 a bheidh san aisíocaíocht a bheidh ar fáil do na táirgí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Airteagal 197

Dáileadh na n-aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin

Is éard a bheidh sa mhodh leithdháilte do chainníochtaí a fhéadfar a onnmhairiú le haisíocaíocht onnmhairiúcháin ná an modh leithdháilte:

- (a) an modh is oiriúnaí do chineál an táirge agus don staid sa mhargadh ábhartha, agus a fhágfaidh gur féidir an úsáid is éifeachtúla a bhaint as na hacmhainní a bheidh ar fáil, agus aird á tabhairt ar éifeachtúlacht agus ar struchtúr onnmhairí an Aontais agus ar a dtionchar ar chothromaíocht an mhargaidh, gan idirdhealú a dhéanamh idir na hoibreoírí lena mbaineann agus go háirithe idir oibreoírí móra agus oibreoírí beaga;
- (b) an modh is éasca d'oibreoírí ó thaobh riaracháin, agus aird á tabhairt ar na riachtanais riaracháin.

Airteagal 198

Socrú na n-aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin

1. Beidh feidhm ag na haisíocaíochtaí onnmhairiúcháin céanna maidir leis na táirgí céanna ar fud an Aontais. D'fhéadfaidís a bheith éagsúil de réir cinn scríbe, go háirithe i gcásanna inar gá sin de bharr staid an mhargaidh dhomhanda, de bharr sainriachtanas margaí áirithe, nó de bharr oibleagáidí de thoradh comhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích i gcomhréir leis an gConradh.

2. Déanfaidh an Chomhairle bearta maidir le haisíocaíochtaí a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 43(3) CFAE.

Airteagal 199

Aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin a dheonú

1. Ní dheonófar aisíocaíochtaí ar tháirgí a liostaítear i bpointe (a) d'Airteagal 196(1) a onnmhairítear mar sin gan tuilleadh próiseála ach amháin ar iarratas agus ar thíolacadh ceadúnais onnmhairiúcháin.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1216/2009 ón gComhairle an 30.11.09 lena leagtar síos na socruithe trádála is infheidhme maidir le hearraí áirithe a thig ó tháirgí talmhaíochta a phróiseáil (IO L 328, 15.12.2009, lch. 10).

2. Is éard a bheidh san aisíocaíocht is infheidhme maidir le táirgí atá liostaithe in Airteagal 196(1) an aisíocaíocht is infheidhme an lá a chuirtear iarratas isteach ar an gceadúnas, nó an aisíocaíocht a thagann as an nós imeachta tairisceana lena mbaineann agus, i gcás aisíocaíochta difreáilte, an aisíocaíocht is infheidhme an lá céanna:

- (a) maidir leis an gceann scríbe a shonrófar ar an gceadúnas; nó
 - (b) maidir leis an gceann scríbe iarbhír má tá sé sin éagsúil leis an gceann scríbe a shonrófar ar an gceadúnas, agus sa chás sin ní sháróidh an méid is infheidhme an méid is infheidhme maidir leis an gceann scríbe a shonrófar ar an gceadúnas.
3. Íocfar an aisíocaíocht nuair a chuirfear cruthúnas isteach:

- (a) gur imigh na táirgí ó chríoch chustaim an Aontais i gcomhréir leis an nós imeachta onnmhairiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 161 den Chód Custaim;
- (b) i gcás aisíocaíochta difreáilte, gur allmhairíodh na táirgí isteach ag an gceann scríbe a shonrófar ar an gceadúnas nó ag ceann scríbe eile a raibh aisíocaíocht socraithe maidir leis, gan dochar do phointe (b) de mhír 2.

Airteagal 200

Aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin ar ainmhithe beo in earnáil na mairteola agus na laofheola

Maidir le táirgí earnáil na mairteola agus na laofheola, beidh deonú agus íocaíocht na haisíocaíochta d'onnmhairí ainmhithe beo faoi réir chomhlíonadh na gceanglas maidir le leas ainmhithe a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais agus, go háirithe, cosaint ainmhithe le linn iompair.

Airteagal 201

Teorainneacha le honnmhairithe

Déanfar na gealltanais mhéide atá mar thoradh ar na comhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích i gcomhréir le CFAE a urramú ar bhonn ceadúnas onnmhairiúcháin a eisíodh do na tréimhsí tagartha a bhfuil feidhm acu maidir leis na táirgí lena mbaineann.

Maidir le hoibleagáidí faoi Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála ar Thalmhaíocht a chomhlíonadh, ní dhéanfar deireadh a chur le tréimhse thagartha difear do bhailíocht ceadúnas onnmhairiúcháin.

Airteagal 202

Cumhachtaí tarmligthe

1. Chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an córas aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin mar is ceart, beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227, lena leagtar síos an ceanglas urrús a thaisceadh lena ráthófar go gcuirfear oibleagáidí na n-oibreoírí i gcrích.

2. Chun an t-ualach riaracháin ar oibreoirí agus ar na húdaráis a laghdú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena socrófar tairseacha nach mbeadh ceanglas ann faoina mbun ceadúnas onnmhairiúcháin a eisiúint nó a thíolacadh, lena n-ainmneofar cinn scríbe agus oibríochtaí ina bhféadfaidh údar a bheith le díolúine ó cheadúnas onnmhairiúcháin a thíolacadh, agus lena gceadófar ceadúnais onnmhairiúcháin a dheonú ex-post i gcásanna a mbeidh údar leo.

3. D'fhonn déileáil le cásanna praiticiúla ina mbeidh údar maith le cáilitheacht iomlán nó pháirteach chun aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin a fháil, agus chun cuidiú le hoibreoirí dul tríd an tréimhse idir an t-iarratas ar aisíocaíocht onnmhairiúcháin agus íocaíocht dheireanach na haisíocaíochta onnmhairiúcháin, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 i ndáil le rialacha maidir le:

- (a) dáta eile don aisíocaíocht;
- (b) réamhíocaíocht aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin lena n-áirítear na coinníollacha maidir le hurrús a thaisceadh agus a scaoileadh;
- (c) cruthúnas breise i gcás amhrais faoi cheann scríbe fireannach táirgí agus an deis go ndéanfaí na táirgí sin a athallmhairiú isteach i gcóir chustaim an Aontais;
- (d) cinn scríbe a ndéileáiltear leo mar onnmhairí ón Aontas, agus áireamh ceann scríbe laistigh de chríoch chustaim an Aontais atá cáilithe chun aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin a fháil.

4. Chun comhionannas rochtana a áirithiú ar aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin d'onnmhairioirí na dtáirgí talmhaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Conarthaí agus d'onnmhairioirí a dtáirgí próiseáilte, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 i ndáil le cur i bhfeidhm Airteagal 199(1) agus (2) maidir le táirgí dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 196(1).

5. D'fhonn a áirithiú go n-onnmhairiofar táirgí a thairbheoidh d'aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin ó chríoch chustaim an Aontais agus nach dtiocfaidh siad ar ais go dtí an chríoch sin agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú d'oibreoirí agus iad ag fáil cruthúnais agus á thíolacadh gur shroich táirgí aisíocaíochta tír a gcinn scríbe i gcás ina bhfuil aisíocaíochtaí difreáilte, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 i ndáil le rialacha maidir leis an méid a leanas:

- (a) an teorainn ama nach mór an imeacht ó chríoch chustaim an Aontais a thabhairt chun críche fúithi, lena n-áirítear an t-am i gcomhair athiontrála sealadaí;

(b) an phróiseáil a fhéadfar a dhéanamh i rith na tréimhse sin ar tháirgí atá ag tairbhiú d'aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin;

(c) an cruthúnas gur sroicheadh ceann scríbe chun aisíocaíochtaí difreáilte a fháil;

(d) na tairseacha agus na coinníollacha aisíocaíochta faoina bhféadfar díolúine ón gcruithúnas sin a thabhairt d'onnmhairioirí;

(e) coinníollacha maidir le formheas a dhéanfaidh tríú páirtithe neamhspleácha ar an gcruithúnas gur sroicheadh ceann scríbe chun aisíocaíochtaí difreáilte a fháil.

6. Chun na honnmhairioirí a spreagadh dálaí leasa ainmhithe a urramú agus na húdaráis inniúla a chumasú chun ceartaiteachas aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin a fhíorú i gcás ina mbeidh sé sin ag brath ar cheanglais maidir le leas ainmhithe a urramú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 i ndáil le ceanglais leasa ainmhithe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais, lena n-áirítear tríú páirtithe neamhspleácha a úsáid.

7. Chun saintréithe sonracha saintréithe sonracha na n-earnálacha éagsúla a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227, lena mbunófar ceanglais shonracha agus coinníollacha sonracha a ghlacadh maidir le hoibreoirí agus maidir leis na táirgí a bheidh cáilithe d'aisíocaíocht onnmhairiúcháin, agus comhéifeachtaí chun críocha aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin a ríomh lena gcuirfear san áireamh próiseas aosaithe i leith deochanna biotáille ar leith a thagann ó ghránaigh.

Airteagal 203

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos na bearta is gá a ghlacadh chun an Chaibidil seo a chur chun feidhme, go háirithe:

(a) maidir le hathdháileadh na gcainníochtaí in-onnmhairithe nár leithdháileadh ná nár úsáideadh;

(b) maidir leis an modh chun íocaíocht na haisíocaíochta onnmhairiúcháin a ríomh an athuair nuair nach mbeidh an cód táirge nó an ceann scríbe a luafar ar cheadúnas ag teacht leis an táirge nó leis an gceann scríbe iarbhair;

(c) maidir le táirgí dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 196(1);

(d) maidir leis na nósanna imeachta agus méid an urrúis a bheidh le taisceadh;

(e) maidir leis na bearta a ghlacfar de bhun Airteagal 202(4) a chur i bhfeidhm.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 204

Cumhachtaí eile cur chun feidhme

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh:

- (a) lena leagtar síos bearta iomchuí chun mí-úsáid na solúbthachta dá bhforáiltear in Airteagal 199(2) a chosc, go háirithe i leith an nós imeachta chun iarratais a thíolacadh;
- (b) lena leagtar síos na bearta is gá chun na gealltanais mhéide dá dtagraítear in Airteagal 201 a urramú, lena n-áirítear deireadh a chur le ceadúnas onnmhairithe a eisiúint nó eisiúint na gceadúnas a theorannú i gcás ina sárófar na gealltanais sin nó ina bhféadfaí iad a shárú;
- (c) lena socraítear comhéifeachtaí atá i bhfeidhm maidir le haisíocáíochtaí onnmhairiúcháin i gcomhréir leis na rialacha a ghlacfar de bhun Airteagal 202(7).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin gan gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3)a chur i bhfeidhm.

CAIBIDIL VII

Próiseáil amach

Airteagal 205

Socruithe próiseála amach a chur ar fionraí

I gcás ina gcuirfear isteach ar mhargadh an Aontais nó inar dóigh go gcuirfear isteach air de thoradh socruithe próiseála amach, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcuirtear, arna iarraidh sin do Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, úsáid na socruithe próiseála amach ar fionraí i bpáirt nó go hiomlán, i gcás táirgí earnáil na ngránach, earnáil na ríse, earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte, earnáil an fhíona, earnáil na mairteola agus na laofheola, earnáil na muiceola, earnáil na caoireola agus na feola gabhair agus earnáil na feola éanlaithe clóis. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

I gcás ina bhfaighidh an Coimisiún iarraidh ó Bhallstát, déanfaidh sé cinneadh ina leith, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, laistigh de chúig lá oibre tar éis dó an iarraidh a fháil. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

I gcás ina mbeidh forais phráinneacha ríthábhachtacha ann a mbeidh údar maith leo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur

chun feidhme atá infheidhme láithreach bonn i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(3).

Na bearta a ghlacfar, cuirfear in iúl iad láithreach do na Ballstáit agus beidh éifeacht acu láithreach.

CUID IV

RIALACHA IOMAÍOCHTA

CAIBIDIL I

Rialacha a bhaineann le gnóthais

Airteagal 206

Treoracha ón gCoimisiún i ndáil le rialacha iomaíochais a chur i bhfeidhm maidir le talmhaíocht

Ach amháin má fhoráiltear a mhalairt sa Rialachán seo, agus i gcomhréir le hAirteagal 42 CFAE, beidh feidhm ag Airteagal 101 go hAirteagal 106 CFAE agus ag na forálacha cur chun feidhme a ghabhann leo, faoi réir Airteagal 207 go hAirteagal 210 den Rialachán seo, maidir le gach comhaontú, gach cinneadh agus gach cleachtas dá dtagraítear in Airteagal 101(1) agus in Airteagal 102 CFAE a bhaineann le táirgeadh nó trádáil táirgí talmhaíochta.

Chun go n-áiríteofar feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach rialacha iomaíochta an Aontais, cuirfidh an Coimisiún agus údaráis iomaíochta na mBallstát rialacha iomaíochta an Aontais i bhfeidhm i ndlúthchomhar lena chéile.

Thairis sin, foilseoidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, treoracha chun cuidiú leis na húdaráis iomaíochta náisiúnta, agus le gnóthais.

Airteagal 207

Margadh Ábhartha

Uirlis chun na teorainneacha iomaíochta idir ghnólachtaí a shainiú agus a shainiú is ea an sainmhíniú den mhargadh ábhartha, agus bunófar é ar dhá eilimint charnacha:

- (a) an margadh táirgí ábhartha: chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn 'margadh táirgí' an margadh lena gcuimsítear na táirgí uile sin a measann an tomhaltóir iad a bheith inmhal-artaithe nó ionadaithe de bharr thréithe na dtáirgí, a bpraghsanna agus a n-úsáide beartaithe;
- (b) an margadh geografach ábhartha: chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn 'margadh geografach' an margadh lena gcuimsítear an limistéar ina bhfuil baint ag na gnólachtaí lena mbaineann i soláthar na dtáirgí ábhartha, ina bhfuil na dálaí iomaíochta aonfhoirmeach a dhóthain agus ar féidir iad a shonrú ó limistéir chomharsanacha, go háirithe toisc go bhfuil na dálaí iomaíochta difriúil go maith sna limistéir sin.

*Airteagal 208***Ceannasacht**

Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn 'ceannasacht' staid eacnamaíoch láidir atá ag an ngnóthas a chumasaíonn dó iomaíocht éifeachtach a chosc sa mhargadh ábhartha tríd an chumhacht a thabhairt dó feidhmiú neamhspleách go mór ar a chuid iomaitheoirí, ar a chuid custaiméirí agus sa deireadh ar an chuid tomhaltóirí.

*Airteagal 209***Eisceachtaí: cuspóirí an Chomhbheartais Talmhaíochta agus feirmeoirí agus a gcomhlachais**

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 101(1) CFAE maidir leis na comhaontuithe, na cinntí agus na cleachtais dá dtagraítear in Airteagal 206 den Rialachán seo agus atá riachtanach chun na cuspóirí atá leagtha amach in Airteagal 39 CFAE a bhaint amach.

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 101(1) CFAE maidir le comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe de chuid feirmeoirí, comhlachas feirmeoirí, nó comhlachas na gcomhlachas sin, eagraíochtaí táirgeoirí atá aitheanta faoi Airteagal 152 den Rialachán seo, ná comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí atá aitheanta faoi Airteagal 156 den Rialachán seo, ar comhaontuithe, cinntí agus cleachtais iad a bhaineann le táirgeadh nó díol táirgí talmhaíochta nó úsáid comháiseanna chun táirgí talmhaíochta a stóráil, a chóireáil nó a phróiseáil, ach amháin má chuirfear cuspóirí Airteagal 39 CFAE i gcontúirt.

Ní bheidh feidhm ag an mír seo le comhaontuithe, le cinntí ná le cleachtais chomhbheartaithe a mbainfidh oibleagáid leo praghas comhionann a mhuirearú nó lena n-eiseofar iomaíocht.

2. Comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe lena gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, ní dhéanfar iad a thoirmeasc ná ní bheidh gá le réamhchinneadh chuige sin.

Maidir le haon imeachtaí náisiúnta nó maidir le haon imeachtaí de chuid an Aontais i ndáil le hAirteagal 101 CFAE a chur i bhfeidhm, beidh ar an bpáirtí nó ar an údarás a líomhnaíonn sárú ar Airteagal 101(1) an sárú sin a chruthú. Beidh ar an bpáirtí a éilíonn na díolúintí dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo a chruthú go bhfuil coinníollacha na míre sin á gcomhlíonadh.

*Airteagal 210***Comhaontuithe agus cleachtais chomhbheartaithe eagraíochtaí idirchraoibhe**

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 101(1) CFAE maidir le cinntí, comhaontuithe ná cleachtais chomhbheartaithe de

chuid eagraíochtaí idirchraoibhe atá aitheanta faoi Airteagal 157 den Rialachán seo a bhfuil d'aidhm acu gníomhaíochtaí atá liostaithe i bpointe (c) d'Airteagal 157(1) agus i bpointe (c) d'Airteagal 157(3) den Rialachán seo a dhéanamh, agus i gcás earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird agus earnáil an tobac, in Airteagal 162 den Rialachán seo.

2. Beidh feidhm ag mír 1 ar an gcoinníoll:

(a) gur cuireadh an Coimisiún ar an eolas faoi na comhaontuithe, na cinntí agus na cleachtais chomhbheartaithe dá dtagraítear sa mhír sin; agus

(b) más rud é nár chinn an Coimisiún, laistigh de dhá mhí tar éis dó na sonraí ar fad is gá a fháil, nach luíonn na comhaontuithe sin, na cinntí sin nó na cleachtais chomhbheartaithe sin le rialacha an Aontais.

I gcás nach gcinneann an Coimisiún nach luíonn na comhaontuithe, na cinntí agus na cleachtais chomhbheartaithe sin le rialacha an Aontais, leagfaidh sé a chinneadh amach gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) a chur i bhfeidhm.

3. Ní fhéadfar na comhaontuithe, na cinntí agus na cleachtais chomhbheartaithe dá dtagraítear i mír 1 a chur i bhfeidhm roimh dhul in éag na tréimhse dhá mhí dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír de mhír 2.

4. Dearbhófar cibé nach bhfuil comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhaontaithe ag luí le rialacha an Aontais más rud é:

(a) go bhféadfadh idir-roinnt margaí de chineál ar bith laistigh den Aontas a bheith mar thoradh orthu;

(b) go bhféadfaidís cur isteach ar dhea-fheidhmiú eagraíocht an mhargaidh;

(c) go bhféadfaidís saobhadh iomaíochta a chruthú nach bhfuil fíor-riachtanach chun cuspóirí an Chomhbheartais Talmhaíochta a bhaint amach a bheidh á saothrú ag gníomhaíocht na heagraíochta idirchraoibhe;

(d) go socróidh siad praghsanna nó cuótaí;

(e) go bhféadfaidís idirdhealú nó díothú iomaíochta a chruthú i dtaca le cion substaintiúil de na táirgí a bheidh i gceist.

5. Má mheasann an Coimisiún, tar éis dhul in éag na tréimhse dhá mhí dá dtagraítear i bpointe (b)) den chéad fhomhír de mhír 2 nár comhlíonadh na coinníollacha maidir le mír 1 a chur i bhfeidhm, déanfaidh sé cinneadh, gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) a chur i bhfeidhm, lena ndearbhófar go bhfuil feidhm ag Airteagal 101(1) CFAE maidir leis an gcomhaontú, leis an gcinneadh nó leis an gcleachtas chomhbheartaithe a bheidh i gceist.

Ní bheidh feidhm ag an gcinneadh sin ón gCoimisiún tráth níos luaithe ná an dáta a dtugtar fógra ina leith don eagraíocht idirchraoibhe lena mbaineann, murar thug an eagraíocht idirchraoibhe sin faisnéis mhícheart nó murar bhain sí mí-úsáid as an díoluine dá bhforáiltear i mír 1.

6. I gcás comhaontuithe ilbhliantúla, beidh fógra na chéad bhliana bailí do bhlianta eile an chomhaontaithe. Mar sin féin, sa chás sin féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin nó ar iarratas ó Bhallstát eile cinneadh a eisiúint maidir le neamhlú tráth ar bith.

7. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na bearta is gá maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Airteagail seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

CAIBIDIL II

Rialacha maidir le státhabhair

Airteagal 211

Airteagail 107 go 109 CFAE a chur i bhfeidhm

1. Beidh feidhm ag Airteagal 107 go hAirteagal 109 CFAE maidir le táirgeadh agus trádáil táirgí talmhaíochta.

2. De mhaolú ar mhír 1, ní bheidh feidhm ag Airteagal 107 go hAirteagal 109 CFAE maidir le híocaíochtaí a dhéanfaidh Ballstáit de bhun aon cheann de na nithe seo a leanas agus i gcomhréir leo:

- (a) na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a mhaoineoidh an tAontas ina n-iomláine nó i bpáirt;
- (b) Airteagail 213 go 218 den Rialachán seo.

Airteagal 212

Íocaíochtaí náisiúnta a bhaineann le cláir thacaíochta in earnáil an fhíona

De mhaolú ar mhír 44(3), féadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí náisiúnta a dheonú i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le Státhabhair i gcás na mbearta dá dtagraítear in Airteagail 45, 49 agus 50.

Beidh feidhm ag an ráta uasta cabhrach a leagtar síos i rialacha ábhartha an Aontais maidir le státhabhair maidir le maoiniú poiblí foriomlán, lena n-áirítear cistí an Aontais agus cistí náisiúnta.

Airteagal 213

Íocaíochtaí náisiúnta do réinfhianna san Fhionlainn agus sa tSualainn

Faoi réir an údarú arna ghlacadh ag an Coimisiún, gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Fhionlainn agus an tSualainn íocaíochtaí náisiúnta a dhéanamh do tháirgeadh agus do mhargú réinfhianna agus táirgí réinfhia (Cóid CN ex 0208 agus ex 0210) a mhéad nach dtiocfaidh aon mhéadú ar na leibhéil táirgthe thraidisiúnta dá bharr sin.

Airteagal 214

Íocaíochtaí náisiúnta d'earnáil an tsiúcra san Fhionlainn

Féadfaidh an Fhionlainn íocaíochtaí náisiúnta suas le EUR 350 in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana margaíochta a dhéanamh do shaothraithe biaitais siúcra.

Airteagal 215

Íocaíochtaí náisiúnta don bheachadóireacht

Féadfaidh Ballstáit íocaíochtaí náisiúnta faoi leith a dhéanamh do chosaint beachlann a bheidh faoi mhíbhuntáiste de dhroim dálaí struchtúracha nó nádúrtha nó íocaíochtaí a dhéanamh faoi phleananna forbartha eacnamaíochta, ach amháin i gcás íocaíochtaí a leithdháilfear ar chúrsaí táirgthe nó trádála.

Airteagal 216

Íocaíochtaí náisiúnta le haghaidh driogadh fíona i gcásanna géarchéime

1. Féadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí náisiúnta a dhéanamh do tháirgeoirí fíona do dhriogadh deonach nó éigeantach fíona i gcásanna géarchéime a mbeidh údar leo.

Beidh na híocaíochtaí sin comhréireach agus beidh siad ina gcuidiú le dul i ngleic leis an ngéarchéim sin.

Ní sháróidh méid iomlán na n-íocaíochtaí a bheidh ar fáil i mBallstát in aon bhliain ar leith 15 % de na cistí a bheidh ar fáil san iomlán in aghaidh an Bhallstáit mar a leagtar síos don bhliain sin in Iarscríbhinn VI.

2. Déanfaidh Ballstáit ar mian leis úsáid a bhaint as na híocaíochtaí náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 fógra cuir-réasúnaithe a thfolacadh don Choimisiún. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an mbearta a fhorghnó agus na híocaíochtaí a dhéanamh gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3)a chur i bhfeidhm.

3. Úsáidfear an t-alcól a bheidh mar thoradh ar dhriogadh dá dtagraítear i mír 1 chun críocha tionsclaíochta nó fuinnimh agus chun na gcríoch sin amháin chun aon saobhadh hiomaíochta a sheachaint.

4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na bearta is gá a ghlacadh chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 217

Íocaíochtaí náisiúnta ar mhaithe le táirgí a dháileadh ar leanaí

Sa bhreis ar an gcabhair ón Aontas dá bhforáiltear in Airteagal 23 agus in Airteagal 26, féadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí náisiúnta a dhéanamh ar mhaithe le táirgí a sholáthar do pháistí i bhforais oideachais agus ar mhaithe leis na costais bhreise dá dtagraítear in Airteagal 23(1).

Féadfaidh na Ballstáit na híocaíochtaí sin a mhaoiniú trí thobhach a ghearradh ar an earnáil lena mbaineann nó trí aon ranniocaíocht eile ón earnáil phríobháideach.

Sa bhreis ar an gcabhair ón Aontas dá bhforáiltear in Airteagal 23, féadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí náisiúnta a dhéanamh chun bearta tionlacain a mhaoiniú is gá le go mbeidh scéim an Aontais chun tairgí torthaí agus glasraí, tairgí torthaí agus glasraí próiseáilte agus tairgí bananaí éifeachtach, dá dtagraítear in Airteagal 23(2).

Airteagal 218

Íocaíochtaí náisiúnta do chnónna

1. Féadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí náisiúnta a dhéanamh, suas le EUR 120,75 ar a mhéad, in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana, d'fheirmeoirí a tháirgeoidh na tairgí seo a leanas:

- (a) almóinní a thagann faoi Chóid AC 0802 11 agus 0802 12;
- (b) cnónna coill nó faoiseoga a thagann faoi Chóid AC 0802 21 agus 0802 22;
- (c) gallchnónna a thagann faoi Chóid AC 0802 31 00 agus 0802 32 00;
- (d) cnónna piostáise a thagann faoi Chóid AC 0802 51 00 agus 0802 52 00;
- (e) pónairí lócaiste a thagann faoi Chód AC 1212 92 00.

2. Ní fhéadfar na híocaíochtaí náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 a íoc ach i leith na limistéar uasta seo:

An Ballstát	Limistéar uasta (ha)
An Bheilg	100
An Bhulgáir	11 984
An Ghearmáin	1 500
An Ghréig	41 100
An Spáinn	568 200
An Fhrainc	17 300
An Iodáil	130 100
An Chipir	5 100
Lucsamburg	100

An Ballstát	Limistéar uasta (ha)
An Ungáir	2 900
An Ísiltír	100
An Pholainn	4 200
An Phortaingéil	41 300
An Rómáin	1 645
An tSlóivéin	300
An tSlóvaic	3 100
An Ríocht Aontaithe	100

3. Féadfaidh na Ballstáit deonú na n-íocaíochtaí náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh coinníollach ar na feirmeoirí a bheith ina gcomhaltaí d'eagraíochtaí tairgeoirí a dtabharfar aitheantas dóibh faoi Airteagal 152.

CUID V

FORÁLACHA GINEARÁLTA

CAIBIDIL I

Bearta eisceachtúla

Roinn 1

Suaithheadh sa mhargadh

Airteagal 219

Bearta in aghaidh suaithheadh sa mhargadh

1. D'fhonn aghaidh a thabhairt go héifeachtúil agus go héifeachtach ar bhagairtí go suaithfí an margadh, bagairtí arb é ardú suntasach nó titim shuntasach i bpraghsanna ar an margadh inmheánach nó seachtrach is cúis leo nó imeachtaí nó tosca eile lena ndéanfar na margaí a shuaithheadh go suntasach nó go mbaineann bagairt leo go suaithfí na margaí, ar dócha go leanfaidh an staid sin nó a cuid éifeachtaí ar an margadh ar aghaidh nó go rachaidh siad chun donais, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 i ndáil leis na beartais gá chun aghaidh a thabhairt ar staid an mhargaidh, agus aon oibleagáid atá mar thoradh ar na comhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích i gcomhréir le CFAE á n-urramú ar choinníoll go bhfuil an chuma air nach dealraíonn aon bhearta eile atá ar fáil faoin Rialachán seo leordhóthanach.

Sna cásanna baoil suaite margaidh dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, nuair a éileoidh mórchúiseana práinne é, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 228 den Rialachán seo maidir le gníomhartha tarmligthe arna ghlacadh de bhun an chéad fhomhír den mhír seo.

Féadfar a áireamh ar na forais fhíor phráinne sin an gá le gníomhú láithreach chun aghaidh a thabhairt ar shuaitheadh margaidh nó chun é a chosc, i gcás ina dtarlaíonn na bagairtí suaite margaidh chomh sciobtha sin nó gan choinne i dtreo sin nach mbeadh éifeacht ach amháin le gníomhú grad chun na dálaí sin a láimhseáil ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil, nó sa chás ina bhféadfaí bagairtí suaite margaidh dá sórt a chosc ó tharlú, ó leanúint ar aghaidh nó ó bheith ina ngéarchéim níos tromchúisí nó níos fadtréimhsí, nó i gcás, toisc gníomhú láithreach a mhoilliú, go ndéanfaí an suaitheadh a tharraingt nó a ghéarú nó go gcaithfí raon na mbearta a mbeadh gá leo níos déanaí chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt nó ar an suaitheadh a mhéadú nó i gcás go mbeadh táirgeadh nó dálaí margaidh thíos leis an moill sin.

2. Ní bheidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear i mír 1 maidir le táirgí a liostaítear i Mír 2 de Chuid XXIV d'Iarscríbhinn I.

Féadfaidh an Coimisiún áfach, trí bhíthin gníomhartha tarmiligthe a ghlacfar i gcomhréir leis an nós imeachta fíorphráinne dá dtagraítear in Airteagal 228, cinneadh a dhéanamh nach mbeidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear i mír 1 ach amháin maidir le ceann amháin nó níos mó de na táirgí arna liostú i Roinn 2 de Chuid XXIV d'Iarscríbhinn I.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha níos imeachta riachtanacha agus critéir theicniúla riachtanachachun na bearta a ghlacfar faoi mhír 1 agus faoi mhír 2 den Airteagal seo a chur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Roinn 2

Bearta um thacaíocht mhargaidh a bhaineann le galair ainmhithe agus laghdú ar mhúinín tomhaltóirí i ngeall ar bhaol sláinte don phobal, d'ainmhithe nó do phlandaí

Airteagal 220

Bearta a bhaineann le galair ainmhithe agus le laghdú ar mhúinín tomhaltóirí i ngeall ar bhaol sláinte don phobal, d'ainmhithe, nó do phlandaí

1. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh mi dtaca le bearta tacaíochta don mhargadh atá buailte d'fhonn aird a thabhairt:

- ar na srianta ar thrádáil laistigh den Aontas agus ar thrádáil le tríú tíortha a chur san áireamh, ar srianta iad a d'fhéadfaidh teacht as cur i bhfeidhm bearta a ceapadh chun dul i ngleic le leathadh galar ainmhithe, agus
- ar shuaitheadh tromchúiseach margaidh a cuireadh síos go díreach do laghdú ar mhúinín tomhaltóirí i ngeall ar bhaol sláinte don phobal, d'ainmhithe, nó do phlandaí agus i ngeall ar ghalair.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

2. Beidh feidhm ag na bearta dá bhforáiltear i mír 1 maidir le haon cheann de na hearnálacha seo a leanas:

- mairteoil agus laofheoil;
- bainne agus táirgí bainne;
- muiceoil;
- earnáil na caoireola agus na feola gabhair;
- uibheacha;
- earnáil na feola éanlaithe clóis.

Na bearta dá bhforáiltear i bpointe (b) den chéad fhomhír de mhír 1 a bhaineann le laghdú ar mhúinín tomhaltóirí i ngeall ar bhaol sláinte don phobal, nó do phlandaí, beidh feidhm acu freisin maidir le gach táirge talmhaíochta eile seachas iad sin atá liostaithe i Roinn 2 de Chuid XXIV d'Iarscríbhinn I.

Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmiligthe a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta práinne dá dtagraítear in Airteagal 228, lena síntear liosta na dtáirgí sa chéad dá fhomhír den mhír seo.

3. Déanfar na bearta dá bhforáiltear i mír 1 arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann.

4. Ní fhéadfar na bearta dá bhforáiltear i bpointe (a) den chéad fhomhír de mhír 1 a dhéanamh ach amháin má tá bearta sláinte agus tréidliachta glactha go tapa ag an mBallstát lena mbaineann chun deireadh a chur leis an ngalar, agus ní fhéadfar iad a dhéanamh ach amháin a mhéad a bheidh siad fíor-riachtanach agus ar feadh na tréimhse a bheidh fíor-riachtanach le tacú leis an margadh lena mbaineann.

5. Cuirfidh an tAontas páirtmhaoiniú ar fáil a bheidh coibhéiseach le 50 % den chaiteachas a iompróidh na Ballstáit as na bearta dá bhforáiltear i mír 1.

Mar sin féin, maidir le hearnáil na mairteola agus na laofheola, earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne, earnáil na muiceola agus na caoireola agus earnáil na feola gabhair, cuirfidh an tAontas páirtmhaoiniú ar fáil a bheidh coibhéiseach le 60 % den chaiteachas sin i gcás ina bhfuiltear ag cur comhraic ar chrúb agus béil.

6. I gcás ina ndéanann táirgeoirí ranníocaíocht le caiteachas a iompróidh na Ballstáit, áiritheoidh na Ballstáit nach saobhfáidh sé sin cúrsaí iomaíochta idir táirgeoirí i mBallstáit éagsúla.

Roinn 3

Fadhbanna sonracha

Airteagal 221

Bearta chun fadhbanna sonracha a réiteach

1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme maidir bearta práinne a mbeidh gá leo agus a bhféadfar údar a thabhairt leo chun fadhbanna sonracha a réiteach. Ní fhéadfaidh na bearta sin maolú ó fhorálacha an Rialacháin seo ach a mhéid a bhfuil fíorghá leis, agus go ceann tréimhse a bhfuil fíorghá léi. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

2. Chun fadhbanna sonracha a réiteach, agus i gcás go n-éileoidh mór chúiseanna práinne cuí réasúnaithe é, maidir le cásanna arb é is móide go mbeidh siad ina gcúis le meath ar na dálaí táirgthe agus margaidh a bhféadfadh sé go mbeadh sé deacair aghaidh a thabhairt orthu dá gcuirfí moill ar bhearta a ghlacadh, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach bonn i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(3).

3. Ní ghlacfaidh an Coimisiún bearta faoi mhír 1 nó faoi mhír 2 ach amháin mura féidir na bearta fíorphráinne is gá i gcomhréir le hAirteagal 219 nó le hAirteagal 220 a ghlacadh.

4. Fanfaidh na bearta a ghlacfar faoi mhír 1 nó faoi mhír 2 i bhfeidhm ar feadh tréimhsí nach faide ná dhá mhí déag. Más ann do na fadhbanna sonracha sin fós a chuir faoi deara na bearta sin a ghlacadh tar éis na tréimhse sin, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena mbunófar réiteach buan nó tograí reachtacha iomchuí a thíolacadh.

5. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas maidir le haon bheart a ghlacfar faoi mhír 1 nó faoi mhír 2 laistigh de dhá lá oibre óna ghlacadh.

Roinn 4

Comhaontuithe agus cinntí le linn tréimshí de mhíchothromaíochtaí tromchúiseachasna margai

Airteagal 222

Airteagal 101(1) CFAE a chur i bhfeidhm

1. Le linn tréimhsí ina bhfuil míchothromaíochtaí tromchúiseacha sna margai, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh a bheidh mar éifeacht acu nach mbeidh feidhm ag Airteagal 101(1) CFAE maidir le comhaontuithe agus cinntí eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí, a gcuid comhlachas ná a gcuid eagraíochtaí idirchraoibhe aitheanta in aon cheann de na hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo, ar choinníoll nach mbainfear, leis na cinntí agus na cinntí sin, an bonn d'fheidhmú cuí an mhargaidh inmheánaigh, go mbeidh mar aidhm dhocht acu an earnáil lena mbaineann a chobhsú agus go dtiocfaidh siad faoi cheann amháin nó níos mó ná ceann amháin de na catagóirí a leanas:

- (a) tarraingt siar ón margadh nó leithdháileadh saor in aisce a gcuid táirgí;
- (b) trasfhoirmiú agus próiseáil;
- (c) stóráil ag oibreoirí príobháideacha;
- (d) bearta cur chun cinn comhpháirteacha;
- (e) comhaontuithe maidir le ceanglais cháilíochta;

(f) comhcheannach na n-ionchur is gá chun leathadh lotnaidí agus galar in ainmhithe agus plandaí san Aontas a chosc nó comhcheannach na n-ionchur is gá chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí tubaistí nádúrtha san Aontas;

(g) pleanáil shealadach an táirgthe, lena gcuirtear san áireamh cineál sonrath an timhrialla táirgthe.

Sonróidh an Coimisiún i ngach gníomh cur chun feidhme raon feidhme substainteach agus geografach an mhaolaithe seo agus, faoi réir mhír 3, an tréimhse a mbeidh feidhm ag an maolú ina leith.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ach amháin má ghlac an Coimisiún cheana féin ceann de na bearta dá dtagraítear sa Chaibidil seo i gcás gur tugadh táirgí faoi idirghabháil phoiblí nó gur deonaíodh cabhair le haghaidh stórála príobháidí dá dtagraítear i gCaibidil I de Theideal I de Chuid II.

3. Ní bheidh na comhaontuithe agus na cinntí dá dtagraítear i mír 1 baili ach amháin ar feadh tréimhse suas le sé mhí.

Mar sin féin, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena n-údaraithear na comhaontuithe, na cinntí agus na cleachtais chomhbheartaithe sin ar feadh tréimhse breise suas le sé mhí. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

CAIBIDIL II

Cumarsáid agus tuairisciú

Airteagal 223

Ceanglais chumarsáide

1. Chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, an margadh i dtáirgí talmhaíochta a anailísiú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air, trédhearcacht sa mhargadh a áirithiú, dea-fheidhmiú bhearta an Chomhbheartais Talmhaíochta a áirithiú, dea-fheidhmiú bhearta seiceála, rialaitheacha, faireacháin, meastóireachta agus iniúchta an Chomhbheartais Talmhaíochta a áirithiú, agus a gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i gcomhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích i gcomhréir le CFAE a chomhlíonadh, lena n-áirítear ceanglais faoi na comhaontuithe sin maidir le fógra a thabhairt, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear i mír 2, na bearta riachtanacha a ghlacadh maidir leis an gcumarsáid atá le déanamh ag gnóthais, Ballstáit, agus tríú tíortha.

Má dhéantar amhlaidh, cuirfear san áireamh na riachtanais sonraí agus na sineirgí idir foinsí féideartha sonraí. Féadfar an fhaisnéis a fhaightear a tharchur chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta, údarais inniúla tríú tíortha nó í a chur ar fáil dóibh agus a phoiblíú, faoi réir cosanta sonraí pearsanta agus leasa dhlisteanáigh gnóthas a rúin ghnó, lena n-áirítear praghsanna, a chosaint.

2. D'fhonn sláine na gcóras faisnéise a áirithiú agus barántúlacht agus dlisteanacht na ndoiciméad agus na sonraí tarchurtha lena mbaineann a áirithiú, beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos an méid seo a leanas:

- (a) cineál agus saghas na faisnéise a mbeidh fógra le tabhairt ina taobh;
- (b) na catagóirí sonraí a bheith le próiseáil agus na huastréimhsí coinneála agus an chúis próiseála, go háirithe i gcás sonraí den sórt sin a fhoilsiú mar aon leis na sonraí sin a aistriú go tríú tíortha;
- (c) na cearta rochtana ar an bhfaisnéis nó ar córais faisnéise a chuirtear ar fáil;
- (d) coinníollacha maidir le foilsiú na faisnéise.

3. Déanfaidh an Coimisiún cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos, na bearta is gá a ghlacadh chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear:

- (a) na modhanna fógartha;
- (b) na rialacha maidir leis an bhfaisnéis a mbeidh fógra le tabhairt ina taobh;
- (c) socruithe le haghaidh bhainistiú na faisnéise a mbeidh fógra le tabhairt ina taobh, agus maidir leis an ábhar, le foirm, le huainiú, le minicíocht agus le sprioc-amanna na bhfógraí;
- (d) na socruithe le haghaidh faisnéis agus doiciméid a tharchur chuig na Ballstáit nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta, chuig údarais inniúla tríú tíortha nó chuig an bpobal, nó an fhaisnéis agus na doiciméid sin a chur ar fáil dóibh, faoi réir cosanta sonraí pearsanta agus leasa dhliteanaigh gnóthas a rúin ghnó a chosaint.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 224

Sonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint

1. Baileoidh na Ballstáit agus an Coimisiún sonraí pearsanta chun na gcrióch a leagtar amach in Airteagal 223(1) agus ní dhéanfaidh siad na sonraí sin a phróiseáil ar aon bhealach a bheadh neamhréir leis na críocha sin.

2. Nuair a phróiseáiltear sonraí pearsanta chun críche faireacháin agus meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 223(1), beidh siad anaithnid agus próiseálfar i bhfoirm chomhiomlánaithe amháin iad.

3. Próiseálfar sonraí pearsanta i gcomhréir le Treoir 95/46/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 45/2001. Go háirithe, ní stórálfar na sonraí sin i bhfoirm lena mbeifear in ann ábhair shonraí a aithint go ceann tréimhse níos faide ná mar a bhfuil gá leis ar mhaithe leis an gcúis lena bailíodh iad nó lena

bpróiseálfar tuilleadh iad agus na tréimhsí íosta coinneála a leagtar síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais a bhfuil feidhm leo á gcur san áireamh.

4. Cuirfidh na Ballstáit i bhfios do na hábhair shonraí go bhféadfaidh comhlachtaí náisiúnta agus comhlachtaí an Aontais a shonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le mír 1 agus sa mhéid sin go bhfuil sé de cheart acu leas a bhaint as na cearta a leagtar amach i Treoir 95/46/CE agus i Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 faoi seach.

Airteagal 225

Oibleagáid tuairiscithe an Choimisiúin

Tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle:

- (a) gach trí bliana agus don chéad uair faoin 21 Nollaig 2016 maidir leis na bearta a bhaineann le hearnáil na beachadóir-reachta mar a leagtar amach in Airteagal 55, Airteagal 56 agus Airteagal 57 iad, lena n-áirítear maidir leis na forbairtí is déanaí i ndáil le córais sainaitheanta coirceog beach;
- (b) faoin 30 Meitheamh 2014 agus faoin 31 Nollaig 2018 maidir le forbairt staid an mhargaidh in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne agus go háirithe maidir le feidhmiú Airteagail 148 go 151, Airteagal 152(3), Airteagal 157(3) lena measúnaítear go háirithe, na héifeachtaí ar tháirgeoirí bainne agus ar tháirgeadh bainne sna réigiúin faoi mhíbhuntáiste maidir leis an gcuspóir ginearálta táirgeadh a choinneáil ar bun sna réigiúin sin agus lena gcumhdaítear dreasaachtaí féideartha chun feirmeoirí a spreagadh le comhaontuithe comhpháirteacha a dhéanamh maidir le comhtháirgeadh in éineacht le haon tograí iomchuí.
- (c) faoin 31 Nollaig 2014 maidir lena bhféadfaí raon feidhme na scéimeanna scoile a leathnú chun ola olóige agus ológa boird a áireamh;
- (d) faoin 31 Nollaig 2017 maidir le cur i bhfeidhm rialacha iomaíochta ar earnáil na talmhaíochta i ngach Ballstát, go háirithe maidir le feidhmiú Airteagail 209 agus 210, agus Airteagail 169, 170 agus 171 sna hearnálacha lena mbaineann.

CAIBIDIL III

Cúlchiste le haghaidh géarchéimeanna san earnáil talmhaíochta

Airteagal 226

Úsáidí an chúlchiste

Cistí arna n-aistriú ón gCúltais le haghaidh géarchéimeanna san earnáil talmhaíochta faoi na coinníollacha agus an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus i mír 22 den Chomhaontú Idirinsti-tiúideach idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhóna airgeadais, cuirfear ar fáil iad i gcomhar na mbearta a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo i gcás na bliana nó na mblianta a bhfuil an tacaíocht bhreise ag teastáil ina leith.

Go háirithe, aistrefar cistí i gcás aon chaiteachais faoi na caibidlí seo a leanas:

- (a) Airteagail 8 go 21;
- (b) Airteagail 196 go 204, agus
- (c) Airteagal 219, Airteagal 220 agus Airteagal 221 den Rialachán seo.

CUID VI

TARMLIGEAN CUMHACHTA, FORÁLACHA CUR CHUN FEIDHME, FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

CAIBIDIL I

Tarmligean cumhachta agus forálacha cur chun feidhme

Airteagal 227

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa Rialachán seo a ghlacadh ar feadh tréimhse seacht mbliana ó 20 Nollaig 2013 Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse seacht mbliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go huathoibríoch ar feadh tréimhsí comhfhaid, mura cuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear sa Rialachán seo a chúlghairm tráth ar bith. Déanfar le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis lá foilsithe an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta ina dhiaidh sin a shonrófar sa chinneadh sin. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

5. Tiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun an Rialacháin seo i bhfeidhm ach amháin má dhéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin nó má chuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún, roimh dhul in éag na tréimhse sin, nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 228

Nós imeachta práinne

1. Gníomhartha tarmligthe a ghlacfar faoin Airteagal seo, tiocfaidh siad i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu

fad nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Sonrófar san fhógra a chuirfear chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le gníomh tarmligthe arna ghlacadh faoin Airteagal seo na cúiseanna ar baineadh úsáid as an nós imeachta práinne.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tharmligthe faoin Airteagal seo i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 227(5). Sa chás sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm gan mhoill tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

Airteagal 229

Nós imeachta coiste

1. Beidh de chúnamh ag an gCoimisiún coiste dar teideal an Coiste um Chomheagrú na Margáí Talmhaíochta. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa Choiste sin.

2. I gcás ina dtagraítear don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 80(3), i bpointí (c) agus (d) d'Airteagal 91, in Airteagal 97(4), in Airteagal 99, in Airteagal 106 agus in Airteagal 107(3) i gcás nach dtabharfaidh an coiste tuairim uaidh, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fómhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 den Rialachán sin.

CAIBIDIL II

Forálacha idirthréimhseacha agus críochnaitheacha

Airteagal 230

Aisghairmeacha

1. Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007.

Mar sin féin, leanfaidh d'fheidhm a bheith ag na forálacha seo a leanas de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007:

(a) maidir leis an gcóras um tháirgeadh bainne a theorannú: Caibidil III de Theideal I de Chuid II, Airteagal 55, Airteagal 85 agus Iarscríbhinní IX agus X, go dtí an 31 Márta 2015;

(b) maidir le hearnáil an fhíona:

(i) Airteagal 85a go 85e maidir le limistéir dá dtagraítear in Airteagal 85a(2) nár grafadh go fóill agus maidir le limistéir dá dtagraítear in Airteagal 85b(1) nár tugadh chun rialtacha go fóill go dtí go ngrafar nó go dtabharfar chun rialtacha iad;

(ii) an córas idirthréimhseach do chearta um plandú arna leagan amach i bhForoinn II de Roinn IVa de Chaibidil III de Theideal i de Chuid II, go dtí an 31 Nollaig 2015;

(iii) Airteagal 118m(5) go dtí go n-ídeofar stoic na bhfionta leis an sonrúchán "Mlado vino portugizac" a bheidh ann ar dháta aontachas na Cróite leis an Aontas;

(iv) Airteagal 118s(5) go dtí an 30 Meitheamh 2017;

(c) Airteagail 113a(4), 114, 115 agus 116, Airteagal 117(1) go (4) agus Airteagal 121, chomh maith le pointí I (2) agus (3) agus (III)(1) de Chuid Cd' Iarscríbhinn XIV, pointí 1, 3, 5 agus 6 de Chuid II, agus pointe 2 d' Iarscríbhinn XV chun críche na hAirteagail sin a chur i bhfeidhm, go dtí dáta chur i bhfeidhm na rialacha margaióchta comhfhreagracha a bhunófar de bhun na ngníomhartha tarmligthe dá bhforáiltear in Airteagal 75(1), Airteagal 76(4), Airteagal 78(3) agus (4), Airteagal 79(1), Airteagal 80(4), Airteagal 83(4), Airteagal 86, Airteagal 87(2), Airteagal 88 (3), agus Airteagal 89 den Rialachán seo;

(d) Airteagal 133a(1) agus Airteagal 140a go dtí an 30 Meán Fómhair 2014;

(e) an chéad fhomhír agus an dara fhomhír d'Airteagal 182(3) go dtí deireadh na bliana margaióchta don siúcra 2013-2014 an 30 Meán Fómhair 2014;

(f) Airteagal 182(4) go dtí an 31 Nollaig 2017;

(g) Airteagal 182(7) go dtí an 31 Márta 2014.

(h) Pointe (3)(b) de chuid III d'Iarscríbhinn XV go dtí 31 Nollaig 2015.

(i) Iarscríbhinn XX go dtí dáta theacht i bhfeidhm an Togra a thiocfaidh in ionad Rialachán (CE) Uimh. 1216/2009 agus Rialachán Uimh. 614/2009 ⁽¹⁾

2. Déanfar tagairtí do Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá leagtha amach in Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 2271/96 agus (CE) Uimh. 1037/2001 ón gComhairle.

Airteagal 231

Rialacha idirthréimhseacha

1. Chun aistriú rianúil a áirithiú ó na socruithe dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 go dtí na socruithe atá leagtha síos sa Rialachán seo, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir leis na bearta is gá chun cearta faighte agus ionchais dhlísteanaigh feirmeoirí a chosaint.

2. Leanfaidh gach clár ilbhliantúil a ghlacfar roimh 1 Eanáir 2014 de bheith faoi réir na bhforálacha lena mbaineann de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go dtí go mbeidh deireadh leis na cláir sin.

Airteagal 232

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014.

Mar sin féin:

(a) beidh feidhm ag Airteagal 181 amhail ón 1 Deireadh Fómhair 2014;

(b) beidh feidhm ag pointe II(3) de Chuid VII d'Iarscríbhinn VII ón 1 Eanáir 2016;

2. Beidh feidhm ag Airteagail 148 go 151, 152(3), 156(2), 157(3), 161, 163, 173(2) agus 174(2) go dtí an 30 Meitheamh 2020.

3. Beidh feidhm an 30 Meán Fómhair 2017 ag Airteagail 127 go 144 agus ag Airteagal 192 agus Airteagal 193 go dtí deireadh bliain mhargaióchta 2016/2017 maidir le siúcra.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 17 Nollaig 2013.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
V. JUKNA

⁽¹⁾ Rialachán Uimh. 614/2009 an 7 Iúil 2009 ón gComhairle maidir leis an gcomhchóras trádála d'ubh-albaimin agus do lachtalbaimin (IO L 181, 14.7.2009, lch. 8).

IARSCRÍBHINN I

LIOSTA DE NA TÁIRGÍ DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1(2)

CUID I

Gránaigh

Cuimsítear faoi earnáil na ngránach na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc
(a) 0709 99 60	Grán Milis, úr nó fuaraithe
0712 90 19	Grán milis triomaithe, iomlán, gearrtha, slisnithe, briste nó i bpúdar, ach nach bhfuil tuilleadh ullmhúcháin déanta air, ach amháin hibridí atá le cur
1001 91 20	Gnáthchruithneacht agus síolta maislín
ex 1001 99 00	Speilt, gnáthchruithneacht agus maislín nach bhfuil le cur
1002	Seagal
1003	Eorna
1004	Coirce
1005 10 90	Arbhar Indiach (arbhar) seachas hibridí
1005 90 00	Arbhar Indiach seachas síolta
1007 10 90,	Sorgum gráin, seachas hibridí atá le cur
1007 90 00	
1008	Ruán, síolta muiléid agus síolta éan; gránaigh eile
(b) 1001 11 00,	Cruithneacht chrua (durum)
1001 19 00	
(c) 1101 00	Plúr cruithneachta nó maislín
1102 90 70	Plúr seagail
1103 11	Piocuaran agus min chruithneachta
1107	Braich, rósta nó neamhrósta
(d) 0714	Casabhach, ararút, salep, bliosáin ghréine, prátaí milse agus fréamhacha agus tiúbair chomhchosúla a bhfuil méid mór stáirse nó ionúiline iontu, úr, fuaraithe, reoite nó triomaithe, cibé acu atá siad slisnithe nó i bhfoirm millíní; laíon sáig
ex 1102	Plúir gránaigh seachas plúr cruithneachta ná plúr maislín:
1102 20	– Plúr arbhair Indiaigh (arbhar)
1102 90	– Eile:
1102 90 10	-- Plúr eorna
1102 90 30	-- Plúr coirce
1102 90 90	-- Eile
ex 1103	Piocuaran gránaigh, min agus millíní ach amháin piocuaran agus min cruithneachta (fotheideal 1103 11), piocuaran agus min ríse (fotheideal 1103 19 50) agus millíní ríse (fotheideal 1103 20 50)
ex 1104	Gráin ghránaigh a ndearnadh próiseáil eile orthu (mar shampla, scilligthe, rollta, calógach, péarlach, slisnithe nó garbhmheilte), seachas rís faoi theideal 1006 agus rís chalógach faoi fhotheideal 1104 19 91; ginidín gránach, iomlán, rollta, calógach nó meilte
1106 20	Plúr, min agus púdar sáig nó fréamhacha nó tiúbar faoi cheanntideal 0714

Cód AC	Tuairisc
ex 1108	Stáirsí; ionúilin:
	– Stáirsí:
1108 11 00	-- Stáirse cruithneachta
1108 12 00	-- Stáirse arbhair Indiaigh (arbhar)
1108 13 00	-- Stáirse prátaí
1108 14 00	-- Stáirse casabhaigh
ex 1108 19	-- Stáirsí eile:
1108 19 90	--- Eile
1109 00 00	Glútan cruithneachta, cibé acu atá sé triomaithe nó nach bhfuil
1702	Siúcraí eile, lena n-áirítear luchtós, maltós, glúcós agus fruchtós atá ion go ceimiceach, i bhfoirm sholadach; síoróipí siúcra nach bhfuil ábhar blaitithe ná dathúcháin curtha leo; mil shaorga, cibé acu atá sé measctha le mil nádúrtha nó nach bhfuil; caramal:
ex 1702 30	– Glúcós agus síoróipí ghlúcóis, gan fruchtós nó a bhfuil níos lú ná 20 % d'fhruchtós iontu de réir meáchain ina staid thirim:
	-- Eile:
ex 1702 30 50	--- I bhfoirm púdair chriostalaigh bháin, cibé acu atá sé ceirtleánaithe nó nach bhfuil, a bhfuil níos lú ná 99 % de ghlúcós de réir meáchain iontu ina staid thirim
ex 1702 30 90	--- Eile, a bhfuil níos lú ná 99 % de ghlúcós de réir meáchain iontu ina staid thirim
ex 1702 40	– Glúcós agus síoróipí ghlúcóis, a bhfuil 20 % ar a laghad, ach níos lú ná 50 %, d'fhruchtós iontu ina staid thirim, gan siúcra inbhéartaithe san áireamh:
1702 40 90	-- Eile
ex 1702 90	– Eile, lena n-áirítear siúcra inbhéartaithe agus siúcra eile agus cumaisc síoróipe siúcra a bhfuil 50 % d'fhruchtós de réir meáchain iontu ina staid thirim:
1702 90 50	-- Maltaideistrin agus síoróipí mhaltaideistrine
	-- Caramal:
	--- Eile:
1702 90 75	---- I bhfoirm púdair, cibé acu atá sé ceirtleánaithe nó nach bhfuil
1702 90 79	---- Eile
2106	Ullmhóidí bia nach sonraítear nó nach n-áirítear in aon áit eile:
ex 2106 90	– Eile
	-- Síoróipí siúcra blaitithe nó daite:
	--- Eile
2106 90 55	---- Síoróipí ghlúcóis agus síoróipí mhaltaideistrine
ex 2302	Bran, géara agus iarmhair eile, cibé acu atá siad i bhfoirm millíní nó nach bhfuil, díorthaithe ó ghránaigh a chriathrú, a mhuilleáil nó a phróiseáil ar bhealach eile
ex 2303	Iarmhair ó mhonarú stáirse agus iarmhair chomhchosúla, laíon biatais, bagás agus fuíoll eile ó mhonarú siúcra, dríodar agus fuíollábhar ó ghrúdaireacht nó ó dhriogadh, cibé acu atá sé i bhfoirm millíní nó nach bhfuil:
2303 10	– Iarmhair ó mhonarú stáirse agus iarmhair chomhchosúla
2303 30 00	– Dríodar agus fuíollábhar ó ghrúdaireacht nó ó dhriogadh
ex 2306	Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, cibé acu atá siad meilte nó nach bhfuil nó i bhfoirm millíní, de thoradh úscadh saille nó olaí plandúla, seachas na cinn faoi cheanntéidil 2304 agus 2305:
	– Eile
2306 90 05	-- De ghinidín arbhair Indiaigh (arbhar)

Cód AC	Tuairisc
ex 2308 00	Ábhair ghlasraí agus fuíollábhar glasraí, fotháirgí agus iarmhair ghlasraí, cibé acu atá siad i bhfoirm millíní nó nach bhfuil, de chineál a úsáidtear i mbeathú ainmhithe, nach sonraítear nó nach n-áirítear in aon áit eile:
2308 00 40	--Dearcáin agus cnónna capaill; marc torthaí, seachas fionchaora
2309	Ullmhóidí den chineál a úsáidtear i mbeathú ainmhithe:
ex 2309 10	--Bia do mhadraí nó do chait, ar an margadh le haghaidh miondíola:
2309 10 11	-- Ina bhfuil stáirse, glúcós, síoróip ghlúcóis, maltaideistrin nó síoróip mhaltaideistrine faoi cheannteidil 1702 30 50, 1702 30 90, 1702 40 90, 1702 90 50 agus 2106 90 55 nó táirgí bainne
2309 10 13	
2309 10 31	
2309 10 33	
2309 10 51	
2309 10 53	
ex 2309 90	--Eile:
2309 90 20	-- Táirgí dá dtagraítear i nóta breise 5 le caibidil 23 den Ainmníocht Chomhcheangailte -- Eile, lena n-áirítear réamh-mheascáin:
2309 90 31	--- Ina bhfuil stáirse, glúcós, síoróip ghlúcóis, maltaideistrin nó síoróip mhaltaideistrine faoi cheannteidil 1702 30 50, 1702 30 90, 1702 40 90, 1702 90 50 agus 2106 90 55 nó táirgí bainne:
2309 90 33	
2309 90 41	
2309 90 43	
2309 90 51	
2309 90 53	

(¹) Chun críocha an fho-cheannteidil seo ciallaíonn 'táirgí bainne' táirgí a thagann faoi chuimsiú cheannteidil 0401 go 0406 mar aon le fo-cheannteidil 1702 11 00, 1702 19 00 agus 2106 90 51.

CUID II

Rís

Cuimsítear faoi earnáil na ríse na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc
(a) 1006 10 21 go 1006 10 98	Rís sa chrotal (gan scilligeadh nó garbh), nach bhfuil le cur
1006 20	Rís scilligthe (donn)
1006 30	Rís leathmheilte nó rís lánmheilte, cibé acu atá sí snasta nó glónraithe nó nach bhfuil
(b) 1006 40 00	Rís bhriste
(c) 1102 90 50	Plúr ríse
1103 19 50	Piocuaran agus min ríse
1103 20 50	Millíní ríse
1104 19 91	Gráinní ríse calógacha
ex 1104 19 99	Gráinní ríse rollta
1108 19 10	Stáirse ríse

CUID III

Siúcra

Cuimsítear faoi eárnáil an tsíúcra na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc
(a) 1212 91	Biatas síúcra
1212 93 00	Cána síúcra
(b) 1701	Siúcra cána nó biatais agus síúcros atá íon go ceimiceach, i bhfoirm sholadach
(c) 1702 20	Siúcra mailpe agus síoróip mhailpe
1702 60 95 agus 1702 90 95	Siúcraí eile i bhfoirm sholadach agus síoróipí síúcra, nach bhfuil ábhar blaitithe ná dathúcháin curtha leo, ach gan luchtós, glúcós, maltaideistrin ná iseaghlúcós san áireamh
1702 90 71	Caramal a bhfuil 50 % nó níos mó de shiúcros de réir meáchain san ábhar tirim
2106 90 59	Síoróipí blaitithe nó daite, seachas iseaghlúcós, luchtós, glúcós agus síoróipí maltaideistrine
(d) 1702 30 10	Iseaghlúcós
1702 40 10	
1702 60 10	
1702 90 30	
(e) 1702 60 80	Síoróip ionúiline
1702 90 80	
(f) 1703	Molás de thoradh úscadh nó mínghlánadh síúcra
(g) 2106 90 30	Síoróipí iseaghlúcóis blaitithe nó daite
(h) 2303 20	Laíon biatais, bagás agus fuíollábhair eile ó mhonarú síúcra

CUID IV

Farae triomaithe

Cuimsítear faoi eárnáil an fharae triomaithe na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc
(a) ex 1214 10 00	– Mín agus millíní de mheidic na mbó atá triomaithe le teas saorga
	– Mín agus millíní de mheidic na mbó, triomaithe agus meilte ar bhealaí eile
ex 1214 90 90	– Meidic na mbó, goirm choiligh, seamair, lúipíní, peasairí agus táirgí farae comhchosúla, atá triomaithe le teas saorga, seachas féar tirim agus cáil farae agus táirgí a bhfuil féar tirim iontu
	– Meidic na mbó, goirm choiligh, seamair, lúipíní, peasairí, loiteog meala, pis phréacháin agus crúb éin, triomaithe agus meilte ar bhealaí eile
(b) ex 2309 90 96	– Tiúchain phróitéine faighte ó shú mheidic na mbó agus ó shú féar
	– Táirgí dhíodráitithe a fhaightear go heisiach ó iarmhair sholadacha agus sú a thagann ó ullmhú na dtiúchan thuasluaite

CUID V

Síolta

Cuimsítear faoi eárnáil na síolta na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc
0712 90 11	Hibridí de ghrán milis: – le cur
0713 10 10	Piseanna (<i>Pisum sativum</i>): – le cur
ex 0713 20 00	Sicphiseánaigh (<i>garbanzo</i>): – le cur
ex 0713 31 00	Pónairí den speiceas <i>Vigna mungo</i> (L) Hepper nó <i>Vigna radiata</i> (L) Wilczek: – le cur
ex 0713 32 00	Pónairí dearga beaga (<i>Adzuki</i>) (<i>Phaseolus</i> nó <i>Vigna angularis</i>): – le cur
0713 33 10	Pónairí duánacha, lena n-áirítear pónairí pise bána (<i>Phaseolus vulgaris</i>): – le cur
ex 0713 34 00	Pónairí Bambara (<i>Vigna subterranea</i> nó <i>Voandzeia subterranea</i>):
ex 0713 35 00	– le cur
ex 0713 39 00	Piseanna bó (<i>Vigna unguiculata</i>): – le cur
	Eile: – le cur
ex 0713 40 00	Lintilí: – le cur
ex 0713 50 00	Pónairí leathana (<i>Videarga</i> <i>cia faba</i> var. <i>major</i>) agus pónairí capaill (<i>Vicia faba</i> var. <i>equina</i> , <i>Vicia faba</i> var. <i>minor</i>):
ex 0713 60 00	– le cur
	Piseanna colúir (<i>Cajanus cajan</i>): – le cur
ex 0713 90 00	Glasraí léagúmacha triomaithe eile: – le cur
1001 91 10	Speilt: – síol
1001 91 90	Eile – le cur
ex 1005 10	Síolta arbhair Indiaigh hibridigh (arbhar)
1006 10 10	Rís sa chrotal (gan scilligeadh nó garbh): – le cur
1007 10 10	Hibridí sorguim gráinne: – síol

Cód AC	Tuairisc
1201 10 00	Pónairí soighe, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil: – síol
1202 30 00	Piseanna talún, nach bhfuil rósta ná cócaráilte ar shlí eile, bíodh siad scilligthe nó gan scilligeadh, briste nó gan a bheith briste: – síol
1204 00 10	Ros lín, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil: – le cur
1205 10 10 agus ex 1205 90 00	Síolta ráibe nó síolta colsa, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil: – le cur
1206 00 10	Síolta lus na gréine, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil: – le cur
ex 1207	Síolta ola eile agus torthaí olúla, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil: – le cur
1209	Síolta, torthaí agus spóir, de chineál a úsáidtear le cur:

CUID VI

Leannlusanna

Cuimsítear faoi earnáil na leannlusanna na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc
1210	Buaircíní leannlusanna, úra nó triomaithe, bídís nó ná bídís meilte, púdraithe nó i bhfoirm millíní; lúpailín
1302 13 00	Súnna glasraí agus úisc leannlusanna

CUID VII

Ola olóige agus ológa boird

Cuimsítear faoi earnáil na hola olóige agus ológ boird na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc
(a) 1509	Ola olóige agus a codáin, cibé acu atá siad scagtha nó nach bhfuil, ach nach ndearnadh modhnú ceimiceach orthu
1510 00	Olaí eile agus a gcodáin, a fhaightear ó ológa amháin, cibé acu atá siad scagtha nó nach bhfuil, ach nach ndearnadh modhnú ceimiceach orthu, lena n-áirítear cumaisc de na holaí nó de na codáin sin le holaí nó le codáin faoin gceannteideal 1509
(b) 0709 92 10	Ológa, iad úr nó fuaraithe, le haghaidh úsáidí seachas ola a tháirgeadh
0709 92 90	Ológa eile, úra nó fuaraithe
0710 80 10	Ológa (neamhchócaráilte nó cócaráilte trí ghalú nó trí uisce a bheiriú), reoite
0711 20	Ológa atá leasaithe go sealadach (mar shampla, le gás dé-ocsaíde sulfair, faoi sháile, in uisce sulfair nó i dtuaslagáin leasaitheacha eile), ach nach féidir iad a ithe díreach sa staid sin
ex 0712 90 90	Ológa triomaithe, iomlána, gearrtha, slisnithe, briste nó i bpúdar, ach nach bhfuil tuilleadh ullmhúcháin déanta orthu
2001 90 65	Ológa ullmhaithe nó leasaithe le fínéagar nó le haigéad aicéiteach
ex 2004 90 30	Ológa ullmhaithe nó leasaithe seachas le fínéagar nó le haigéad aicéiteach, reoite
2005 70 00	Ológa ullmhaithe nó leasaithe seachas le fínéagar nó le haigéad aicéiteach, nach bhfuil reoite

Cód AC	Tuairisc
(c) 1522 00 31 1522 00 39 2306 90 11 2306 90 19	Iarmhair a thagann ó chóireáil substaintí sailleacha nó céaracha ainmhíocha nó plandúla ina bhfuil ola a bhfuil tréithe ola olóige aici Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile de thoradh eastóscadh ola olóige

CUID VIII

Líon agus cnáib

Cuimsítear in earnáil an lín agus na cnáibe na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc
5301	Líon, amh nó próiseáilte ach gan bheith sníofa; barrach lín agus dramhaíl (lena n-áirítear dramhabhrais agus stoc gairnéadaithe)
5302	Fíorchnáib (Cannabis sativa L.) amh nó phróiseáilte ach gan bheith sníofa; barrach agus dramhaíl fíorchnáibe (lena n-áirítear dramhabhrais agus stoc gairnéadaithe)

CUID IX

Torthaí agus glasraí

Cuimsítear faoi earnáil na dtorthaí agus glasraí na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc
0702 00 00	Trátaí, úra nó fuaraithe
0703	Oinniúin, seallóidí, gairleog, cainneanna agus glasraí eile den chineál Alliaceae, úra nó fuaraithe
0704	Cabáistí, cóiliseacha, cálráib, cáil agus praiseacha inite dá samhail, iad úr nó fuaraithe
0705	Leitís oigheargheal (Lactuca sativa) agus siocaire (Cichorium spp.), iad úr nó fuaraithe
0706	Cairéid, tornapaí, meacain bhíatais sailéid, salsabh, soiliriac, raidisí agus fréamhacha inite dá samhail, iad úr nó fuaraithe
0707 00	Cúcamaire agus gircíní, úra nó fuaraithe
0708	Glasraí léagúmacha, bídis scilligthe nó ná bíodh, iad úr nó fuaraithe
ex 0709	Glasraí eile, úra nó fuaraithe, seachas glasraí faoi cheannteidil 0709 60 91, 0709 60 95, 0709 60 99, 0709 92 10, 0709 92 90 agus 0709 99 60
ex 0802	Cnónna eile, úra nó triomaithe, cibé acu atá siad scilligthe nó scafa nó nach bhfuil, seachas airéic (nó beiteal) agus cnónna cóla a thagann faoi cheannteideal 0802 70 00, 0802 80 00
0803 10 10	Plantáin úra
0803 10 90	Plantáin triomaithe
0804 20 10	Figí, úra
0804 30 00	Anainn
0804 40 00	Abhacáid
0804 50 00	Guábhaí, mangónna agus 'mangosteen'
0805	Torthaí citris, úra nó triomaithe
0806 10 10	Fíonchaora boird úra
0807	Mealbhacáin (lena n-áirítear mealbhacáin uisce) agus pápánna (papayas), úra
0808	Úlla, piorraí agus cainchí, úra

Cód AC	Tuairisc
0809	Aibreoga, silíní, péitseoga (lena n-áirítear neachtairíní), plumaí agus airní, úra
0810	Torthaí eile, iad úr
0813 50 31	Meascáin de chnónna triomaithe amháin faoi cheannteidil 0801 agus 0802
0813 50 39	
0910 20	Cróch
ex 0910 99	Tím, úr nó fhuaraithe
ex 1211 90 86	Basal, meilise, miontas, <i>Origanum vulgare</i> (oragán/máirtín fiáin), marós, sáiste, úr nó fuaraithe
1212 92 00	Pónairí lócaiste (carúb)

CUID X

Táirgí arna bpróiseáil ó thorthaí agus ó ghlasraí

Cuimsítear faoi eárnáil na dtorthaí agus glasraí próiseáilte na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Cód CN	Tuairisc
(a) ex 0710	Glasraí (neamhchócaráilte nó cócaráilte trí ghalú nó trí bheiriú in uisce) reoite, seachas grán milis faoi fho-cheannteideal 0710 40 00, ológa faoi fho-cheannteideal 0710 80 10 agus torthaí den ghéineas <i>Capsicum</i> nó den ghéineas <i>Pimenta</i> faoi fho-cheannteideal 0710 80 59
ex 0711	Torthaí atá leasaithe go sealadach (mar shampla, le gás dé-ocsaíde sulfair, faoi sháile, in uisce sulfair nó i dtuaslagáin leasaitheacha eile), ach nach féidir iad a ithe díreach sa staid sin, seachas ológa faoi fho-cheannteideal 0711 20, torthaí den ghéineas <i>Capsicum</i> nó den ghéineas <i>Pimenta</i> faoi fho-cheannteideal 0711 90 10 agus grán milis faoi fho-cheannteideal 0711 90 30
ex 0712	Glasraí triomaithe, iomlána, gearrtha, slisnithe, briste nó i bpúdar, ach nach bhfuil tuilleadh ullmhúcháin déanta orthu, seachas prátaí dhíodrátithe trí thriomú le teas saorga atá mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine a thagann faoi fho-cheannteideal ex 0712 90 05, grán milis a thagann faoi fho-cheannteidil ex 0712 90 11 agus 0712 90 19 agus ológa a thagann faoi fho-cheannteideal 0712 90 90
0804 20 90	Figí triomaithe
0806 20	Fíonchaora triomaithe
ex 0811	Torthaí agus cnónna, neamhchócaráilte nó cócaráilte trí ghalú nó trí bheiriú in uisce, reoite, nach bhfuil siúcra breise ná ábhar milsiúcháin eile curtha leo, seachas bananaí reoite a thagann faoi fho-cheannteideal ex 0811 90 95
ex 0812	Torthaí agus cnónna, atá leasaithe go sealadach (mar shampla, le gás dé-ocsaíde sulfair, faoi sháile, in uisce sulfair nó i dtuaslagáin leasaitheacha eile), ach nach féidir iad a ithe díreach sa staid sin, seachas bananaí atá leasaithe go sealadach a thagann faoi fho-cheannteideal ex 0812 90 98
ex 0813	Torthaí, triomaithe, seachas torthaí faoi cheannteidil 0801 go 0806; meascáin de chnónna nó de thorthaí triomaithe sa chaibidil seo seachas meascáin de chnónna amháin faoi cheannteidil 0801 agus 0802 a thagann faoi fho-cheannteidil 0813 50 31 agus 0813 50 39
0814 00 00	Craiceann torthaí citris nó mealbhacán (lena n-áirítear mealbhacáin uisce), é úr, reoite, triomaithe nó seal-leasaithe faoi sháile, in uisce sulfair nó i dtuaslagáin leasaitheacha eile
0904 21 10	Piobair mhilse thriomaithe (<i>Capsicum annuum</i>), nach bhfuil brúite ná meilte
(b) ex 0811	Torthaí agus cnónna, neamhchócaráilte nó cócaráilte trí ghalú nó trí bheiriú in uisce, reoite, a bhfuil siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo
ex 1302 20	Substaintí peicteacha agus peicteanáití

Cód CN	Tuairisc
ex 2001	<p>Glasraí, torthaí, cnónna agus codanna inite eile de phlandaí, ullmhaithe nó leasaithe le fínéagar nó le haigéad aicéiteach, ach amháin:</p> <ul style="list-style-type: none"> — torthaí den ghéineas Capsicum seachas piobair mhilse nó pimeantó faoi fho-cheannteideal 2001 90 20 — grán milis (<i>Zea mays</i> var. <i>saccharata</i>) faoi fho-cheannteideal 2001 90 30 — ionaim, prátaí milse agus codanna inite comhchosúla de phlandaí a bhfuil 5 % nó níos mó de stáirse iontu de réir meáchain faoi fho-cheannteideal 2001 90 40 — croíthe pailme faoi fho-cheannteideal ex 2001 90 92 — ológa faoi fho-cheannteideal 2001 90 65 — duilleoga fíniúna, buinneáin leannlusanna agus codanna inite comhchosúla eile de phlandaí a thagann faoi fho-cheannteideal ex 2001 90 97
2002	Trátaí ullmhaithe nó leasaithe seachas le fínéagar nó le haigéad aicéiteach
2003	Beacáin agus strufail, ullmhaithe nó leasaithe seachas le fínéagar nó le haigéad aicéiteach
ex 2004	<p>Glasraí eile ullmhaithe nó leasaithe seachas le fínéagar nó le haigéad aicéiteach, reoite, seachas táirgí faoi cheannteideal 2006, seachas grán milis (<i>Zea mays</i> var. <i>saccharata</i>) faoi fho-cheannteideal 2004 90 10, ológa faoi fho-cheannteideal ex 2004 90 30 agus prátaí ullmhaithe nó leasaithe i bhfoirm plúir, mine nó calóg faoi fho-cheannteideal 2004 10 91</p>
ex 2005	<p>Glasraí eile ullmhaithe nó leasaithe seachas le fínéagar nó le haigéad aicéiteach, nach bhfuil reoite, seachas táirgí faoi cheannteideal 2006 lena n-eisiatar ológa faoi fho-cheannteideal 2005 70 00, grán milis (<i>Zea mays</i> var. <i>saccharata</i>) faoi fho-cheannteideal 2005 80 00 agus torthaí den ghéineas Capsicum, seachas piobair mhilse nó pimeantó faoi fho-cheannteideal 2005 99 10 agus prátaí ullmhaithe nó leasaithe i bhfoirm plúir, mine nó calóg faoi fho-cheannteideal 2005 20 10</p>
ex 2006 00	<p>Glasraí, torthaí, cnónna, craiceann torthaí agus codanna eile de phlandaí, leasaithe le siúcra (díscithe, glacé nó criostalaithe), seachas bananaí leasaithe le siúcra faoi chuimsiú na gceannteideal ex 2006 00 38 agus ex 2006 00 99</p>
ex 2007	<p>Subha, glóthacha torthaí, marmaláidí, purée torthaí nó cnónna agus leafois torthaí nó chnónna, a fhaightear trí chócaráil, cibé acu atá siúcra breise nó ábhar miltiúcháin eile curtha leo nó nach bhfuil, ach amháin:</p> <ul style="list-style-type: none"> — ullmhóidí homaiginithe de bhananaí faoi fho-cheannteideal ex 2007 10 — ullmhóidí homaiginithe de bhananaí faoi fho-cheannteideal ex 2007 10 subha, glóthacha, marmaláidí, purée nó leafois de bhananaí faoi fho-cheanteidil ex 2007 99 39, ex 2007 99 50 agus ex 2007 99 97
ex 2008	<p>Torthaí, cnónna agus codanna inite eile de phlandaí, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile, cibé acu atá siúcra breise nó ábhar miltiúcháin eile nó biotáille curtha leo nó nach bhfuil, nach sonraítear nó nach n-áirítear in aon áit eile, ach amháin:</p> <ul style="list-style-type: none"> — im piseanna talún faoi fho-cheannteideal 2008 11 10 — croíthe pailme faoi fho-cheannteideal 2008 91 00 — arbhar Indiach faoi fho-cheannteideal 2008 99 85 — ionaim, prátaí milse agus codanna inite comhchosúla de phlandaí a bhfuil 5 % nó níos mó de stáirse iontu de réir meáchain faoi fho-cheannteideal 2008 99 91 — duilleoga fíniúna, buinneáin leannlusanna agus codanna inite comhchosúla eile de phlandaí a thagann faoi fho-cheannteideal ex 2008 99 99 — meascáin de bhanana ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile faoi fho-cheanteidil ex 2008 97 59, ex 2008 97 78, ex 2008 97 93 agus ex 2008 97 98 — bananaí ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile faoi fho-cheanteidil ex 2008 99 49, ex 2008 99 67 agus ex 2008 99 99
ex 2009	<p>Súnna torthaí (seachas sú fíonchaor agus úrfhíon fíonchaor faoi fho-cheanteidil 2009 61 agus 2009 69 agus sú bananaí faoi fho-cheannteideal ex 2009 89 35, 2009 89 38, 2009 89 79, 2009 89 89 agus 2009 89 99) agus súnna glasraí, neamhchoipthe agus nach bhfuil biotáille curtha leo, cibé acu atá siúcra breise nó ábhar miltiúcháin eile curtha leo nó nach bhfuil</p>

CUID XI

Bananaí

Cuimsítear faoi earnáil na mbananaí na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Cóid AC	Tuairisc
0803 90 10	Bananaí úra, seachas plantáin
0803 90 90	Bananaí triomaithe, seachas plantáin
ex 0812 90 98	Bananaí atá leasaithe go sealadach
ex 0813 50 99	Meascáin a bhfuil bananaí triomaithe iontu
1106 30 10	Plúr, min agus púdar bananaí
ex 2006 00 99	Bananaí atá leasaithe i siúcra
ex 2007 10 99	Ullmhóidí homaiginithe de bhananaí
ex 2007 99 39	Subha, glóthacha, marmaláidí, purée agus leafaois bhananaí
ex 2007 99 50	
ex 2007 99 97	
ex 2008 97 59	Meascáin a bhfuil bananaí iontu a ullmhaíodh nó a leasaíodh ar bhealach eile, nach bhfuil biotáille curtha leo
ex 2008 97 78	
ex 2008 97 93	
ex 2008 97 96	
ex 2008 97 98	
ex 2008 99 49	Bananaí ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile
ex 2008 99 67	
ex 2008 99 99	
ex 2009 89 35	Sú bananaí
ex 2009 89 38	
ex 2009 89 79	
ex 2009 89 86	
ex 2009 89 89	
ex 2009 89 99	

CUID XII

Fíon

Cuimsítear faoi earnáil an fhíona na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc
(a) 2009 61	Sú fíonchaor (lena n-áirítear úrfhíon fíonchaor)
2009 69	
2204 30 92	
2204 30 94	
2204 30 96	
2204 30 98	Úrfhíonta fíonchaor eile, seachas na cinn atá faoi choipeadh nó coiscthe ó choipeadh ar bhealach seachas trí alcól a chur leo
(b) ex 2204	Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor nach dtagann faoi cheannteideal 2009, seachas úrfhíon fíonchaor eile faoi fho-cheannteidil 2204 30 92, 2204 30 94, 2204 30 96 agus 2204 30 98
(c) 0806 10 90	Fíonchaora úra ach amháin fíonchaora boird
2209 00 11	Fínéagar fíona
2209 00 19	

Cód AC	Tuairisc
(d) 2206 00 10	Piquette
2307 00 11	Moirt fíona
2307 00 19	
2308 00 11	Marc fíonchaor
2308 00 19	

CUID XIII

Crainn bheo agus plandaí eile, bleibeanna, fréamhacha agus rudaí mar iad, bláthanna gearrtha agus duilliúr ornáideach

Cuimsítear faoi earnáil na bplandaí beo na táirgí a thagann faoi chuimsiú Chaibidil 6 den Ainmníocht Chomhcheangailte.

CUID XIV

Tobac

Cuimsítear faoi earnáil an tobac tobac amh nó neamh-mhonaraithe agus dramhaíl tobac faoi chód AC 2401.

CUID XV

Mairteoil agus laofheoil

Cuimsítear faoi earnáil na mairteola agus laofheola na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc
(a) 0102 29 05 go 0102 29 99, 0102 39 10 agus 0102 90 91	Ainmhithe beo de speiceas bó-ainmhithe clóis, seachas ainmhithe síolrúcháin folaíochta
0201	Feoil bó-ainmhithe, úr nó fhuaraithe
0202	Feoil bó ainmhithe, reoite
0206 10 95	Scairt thiubh agus scairt thanaí, úr nó fhuaraithe
0206 29 91	Scairt thiubh agus scairt thanaí, reoite
0210 20	Feoil bó-ainmhithe, shailte, faoi sháile, thriomaithe nó deataithe
0210 99 51	Scairt thiubh agus scairt thanaí, shailte, faoi sháile, thriomaithe nó dheataithe
0210 99 90	Plúr agus min inite ó fheoil nó ó scairteach
1602 50 10	Feoil nó scairteach feola eile ó bhó-ainmhithe atá ullmhaithe nó leasaithe, neamhchócaráilte; meascáin d'fheoil nó de scairteach chócaráilte agus feoil nó scairteach neamhchócaráilte
1602 90 61	Feoil eile atá ullmhaithe nó leasaithe ina bhfuil scairteach nó feoil bó-ainmhithe, neamhchócaráilte; meascáin d'fheoil nó de scairteach chócaráilte agus feoil nó scairteach neamhchócaráilte
(b) 0102 21, 0102 31 00 agus 0102 90 20	Bó-ainmhithe síolrúcháin folaíochta beo
0206 10 98	Scairteach inite ainmhithe bó-ainmhithe seachas scairt thiubh agus scairt thanaí, úr nó fhuaraithe, seachas chun táirgí cógaisíochta a mhonarú
0206 21 00	Scairteach inite bó-ainmhithe seachas scairt thiubh agus scairt thanaí, reoite, seachas chun táirgí cógaisíochta a mhonarú
0206 22 00	
0206 29 99	
0210 99 59	Scairteach feola inite bó-ainmhithe, sailte, faoi sháile, triomaithe nó deataithe, seachas scairt thiubh agus scairt thanaí

Cód AC	Tuairisc
ex 1502 10 90	Saill bó-ainmhithe seachas iad siúd faoi cheannteideal 1503
1602 50 31 agus 1602 50 95	Feoil nó scairteach feola eile ó bhó-ainmhithe atá ullmhaithe nó leasaithe, seachas feoil nó scairteach feola neamhchócaráilte agus meascáin d'fheoil nó de scairteach chócaráilte agus feoil nó scairteach neamhchócaráilte
1602 90 69	Feoil eile atá ullmhaithe nó leasaithe ina bhfuil scairteach nó feoil bó-ainmhithe, seachas feoil neamhchócaráilte, agus meascáin d'fheoil nó de scairteach chócaráilte agus feoil nó scairteach neamhchócaráilte.

CUID XVI

Bainne agus táirgí bainne

Cuimsítear faoi eárnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc
(a) 0401	Bainne agus uachtar, nach bhfuil tiubhaithe agus nach bhfuil siúcra breise ná ábhar milsiúcháin eile curtha leo
(b) 0402	Bainne agus uachtar, atá tiubhaithe nó a bhfuil siúcra breise nó ábhar milsithe eile curtha leo
(c) 0403 10 11 go 0403 10 39 0403 9011 11 go 0403 90 69	Bláthach, bainne gruthach agus uachtar, iógart, ceifir agus uachtar agus bainne aigéadaithe nó coipthe eile, cibé acu atá siad tiubhaithe nó nach bhfuil nó cibé acu atá siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó nach bhfuil, nach bhfuil blaitithe agus gan torthaí, cnónna ná cócó a bheith curtha leo
(d) 0404	Meadhg, cibé acu atá sé tiubhaithe nó nach bhfuil, nó cibé acu atá siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leis nó nach bhfuil; táirgí a bhfuil comhábhair bhainne nádúrtha iontu, cibé acu atá siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó nach bhfuil, nach sonraítear nó nach n-áirítear in aon áit eile
(e) ex 0405	Im agus saill agus olaí eile a fhaightear ó bhainne; leatháin déiríochta a bhfuil cion níos mó ná 75 % ach níos lú ná 80 % de shaill iontu
(f) 0406	Cáis agus gruth
(g) 1702 19 00	Lachtós agus síoróip lachtóis nach bhfuil ábhar blaitithe ná ábhar dathúcháin breise curtha leo, a bhfuil níos lú ná 99 % de lachtós iontu de réir meáchain, arna léiriú mar lachtós ainhidriúil, á ríomh de réir an ábhair thirim
(h) 2106 90 51	Síoróip lachtóis bhlaistithe nó dhaite
(i) ex 2309	Ullmhóidí den chineál a úsáidtear i mbeathú ainmhithe:
ex 2309 10	– Bia do mhadraí nó do chait, ar an margadh le haghaidh miondíola:
2309 10 15	– – Ina bhfuil stáirse, glúcós, síoróip ghlúcóis, maltaideistrin nó síoróip mhaltaideistrine faoi na ceannteidil 1702 30 50, 1702 30 90, 1702 40 90, 1702 90 50 agus 2106 90 55 ná táirgí bainne
2309 10 19	
2309 10 39	
2309 10 59	
2309 10 70	
ex 2309 90	– Eile:
2309 90 35	– – Eile, lena n-áirítear réamh-mheascáin:
2309 90 39	– – – Ina bhfuil stáirse, glúcós, síoróip ghlúcóis, maltaideistrin nó síoróip mhaltaideistrine faoi na ceannteidil 1702 30 50, 1702 30 90, 1702 40 90, 1702 90 50 agus 2106 90 55 ná táirgí bainne
2309 90 49	
2309 90 59	
2309 90 70	

CUID XVII

Muiceoil

Cuimsítear faoi earnáil na muiceola na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc
(a) ex 0103	Mucra beo, de speiceas clóis, seachas ainmhithe síolrúcháin folaíochta
(b) ex 0203	Feoil mucra clóis, úr, fhuaraithe, nó reoite
ex 0206	Scairteach inite mucra clóis, ach amháin chun táirgí cógaisíochta úra, fuaraithe nó reoite a mhonarú
0209 10	Saill muice, saor ó fheoil thrua, nár rindreáladh ná nár úscadh ar bhealach eile, úr, fhuaraithe, reoite, shailte, faoi sháile, thriomaithe nó dheataithe
ex 0210	Feoil agus scairteach feola inite mucra clóis, sailte, faoi sháile, triomaithe nó deataithe
1501 10	Saill muice (blonag san áireamh)
1501 20	
(c) 1601 00	Ispíní agus táirgí dá samhail as feoil nó as miodamas feola nó as fuil; ullmhóidí bia bunaithe ar na táirgí sin
1602 10 00	Ullmhóidí homaiginithe d'fheoil, de scairteach feola nó d'fhuil
1602 20 90	Ullmhóidí nó subh ae ainmhí ar bith, seachas gé nó lacha
1602 41 10	Ullmhóidí agus subha eile a bhfuil feoil nó scairteach mucra clóis iontu
1602 42 10	
1602 49 11 go	
1602 49 50	
1602 90 10	Ullmhóidí déanta d'fhuil ainmhí ar bith
1602 90 51	Ullmhóidí nó subha eile a bhfuil feoil nó scairteach feola mucra clóis iontu
1902 20 30	Pasta stuáilte, cibé acu cócaráilte nó réitithe ar aon bhealach eile nó gan a bheith, a bhfuil níos mó ná 20 % de réir meáchain d'ispíní agus a leithéid, d'fheoil agus de mhiodamas feola de chineál ar bith iontu, lena n-áirítear saill de chineál nó de thionscnamh ar bith

CUID XVIII

Caoireoil agus feoil ghabhair

Cuimsítear faoi earnáil na caoireola agus na feola ghabhair na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc
(a) 0104 10 30	Uain (suas le haon bhliain d'aois)
0104 10 80	Caora beo seachas uain agus ainmhithe síolrúcháin folaíochta
0104 20 90	Gabhair bheo seachas ainmhithe síolrúcháin folaíochta
0204	Caoireoil nó feoil ghabhar, úr, fhuaraithe nó reoite
0210 99 21	Feoil ó chaoirigh agus ó ghabhair, ar an gcnámh, shailte, faoi sháile, thriomaithe nó dheataithe
0210 99 29	Feoil ó chaoirigh agus ó ghabhair, gan chnámh, shailte, faoi sháile, thriomaithe nó dheataithe
(b) 0104 10 10	Caoirigh beo — ainmhithe síolrúcháin folaíochta
0104 20 10	Gabhair bheo — ainmhithe síolrúcháin folaíochta
0206 80 99	Scairteach inite caorach agus gabhar, úr nó fuaraithe, seachas chun táirgí cógaisíochta a mhonarú

Cód AC	Tuairisc
0206 90 99	Scairteach inite caorach agus gabhar, reoite, seachas chun táirgí cógaisíochta a mhonarú
0210 99 85	Scairteach inite caorach agus gabhar, saillte, faoi sháile, triomaithe nó deataithe
ex 1502 90 90	Saill caora agus gabhar, seachas iad siúd faoi cheannteideal 1503
(c) 1602 90 91	Feoil nó scairteach feola eile ó chaoirigh nó ó ghabhair;
1602 90 95	

CUID XIX

Uibheacha

Cuimsítear faoi earnáil na n-uibheacha na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc
(a) 0407 11 00	Uibheacha éanlaithe clóis, sna blaoscanna, úra, leasaithe nó cócaráilte
0407 19 11	
0407 19 19	
0407 21 00	
0407 29 10	
0407 90 10	
(b) 0408 11 80	Uibheacha éan, nach bhfuil sna blaoscanna, agus buíocáin uibhe, úra, thriomaithe, chócaráilte trí ghalú nó trí bheiriú in uisce, mhúnlaithe, reoite nó leasaithe ar bhealach eile, cibé acu atá siúcra breise nó ábhar mílsiúcháin eile curtha leo nó nach bhfuil, seachas cinn atá mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine
0408 19 81	
0408 19 89	
0408 91 80	
0408 99 80	

CUID XX

Foail éanlaithe clóis

Cuimsítear faoi earnáil na feola éanlaithe clóis na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc
(a) 0105	Éanlaith chlóis beo, is é sin éanlaithe den speiceas Gallus domesticus, lachain, géanna, turcaithe agus guinthe
(b) ex 0207	Feoil agus scairteach inite, den chineál éanlaithe clóis faoi cheannteideal 0105, úr, fhuaraithe nó reoite, seachas aenna a thagann faoi phointe (c)
(c) 0207 13 91	Aenna éanlaithe clóis, úra, fhuaraithe, nó reoite
0207 14 91	
0207 26 91	
0207 27 91	
0207 43 00	
0207 44 91	
0207 45 93	
0207 45 95	
0210 99 71	
0210 99 79	
(d) 0209 90 00	Saill éanlaithe clóis, nár rindreáladh ná nár úscadh ar bhealach eile, úr, fhuaraithe, reoite, shailte, faoi sháile, thriomaithe nó dheataithe
(e) 1501 90 00	Saill éanlaithe clóis

Cód AC	Tuairisc
(f) 1602 20 10	Aenna gé nó lachan, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile
1602 31	Feoil nó scairteach feola éanlaithe clóis faoi cheannteideal 0105, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile
1602 32	
1602 39	

CUID XXI

Alcól eitile de thionscnamh talmhaíochta

1. Cuimsítear faoi earnáil an alcóil eitile na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc
ex 2207 10 00	Alcól eitile gan dínádúrú le neart alcóil de réir toirte de 80 % nó níos mó, faighte ó na táirgí talmhaíochta atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Conarthaí
ex 2207 20 00	Alcól eitile agus biotáillí eile, dínádúraithe, de neart ar bith, faighte ó na táirgí talmhaíochta atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Conarthaí
ex 2208 90 91 agus ex 2208 90 99	Alcól eitile gan dínádúrú le neart alcóil de réir toirte níos lú ná 80 %, faighte ó na táirgí talmhaíochta atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Conarthaí

2. Cuimsítear freisin faoi earnáil an alcóil eitile táirgí atá bunaithe ar alcól eitile de thionscnamh talmhaíochta faoi chuimsiú chód AC 2208 arna gcoimeád i gcoimeádáin níos mó ná dhá lítear agus a léiríonn tréithe uile an alcóil eitile mar a ndéantar cur síos air i bpointe 1.

CUID XXII

Táirgí beachadóireachta

Cuimsítear faoi earnáil na beachadóireachta na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc
0409 00 00	Míl aiceanta
ex 0410 00 00	Glóthach ríoga agus gliú beach, inite
ex 0511 99 85	Glóthach ríoga agus gliú beach, neamh-inite
ex 1212 99 95	Pailin
ex 1521 90	Céir bheach

CUID XXIII

Seiriceáin

Cuimsítear faoi earnáil na seiriceáin seiriceáin a thagann faoi chód AC ex 0106 90 00 agus uibheacha seiriceáin a thagann faoi chód AC ex 0511 99 85.

CUID XXIV

Táirgí eile

Ciallaíonn "táirgí eile", na táirgí talmhaíochta go léir, seachas na táirgí atá liostaithe i gCodanna I go XXIII, lena n-áirítear na táirgí sin atá liostaithe i Roinn 1 agus Roinn 2 seo a leanas den Chuid seo.

Roinn 1

Cód AC	Tuairisc
ex 0101	Capaill, asail, miúileanna agus ráinigh bheo:
	- Capaill
0101 21 00	-- Ainmhithe síolrúcháin folaíochta ^(a) :
0101 29	-- Eile:
0101 29 90	--- Seachas lena marú
0101 30 00	-- Asail
0101 90 00	Eile
ex 0102	Bó-ainmhithe beo:
	-- Ainmhithe eile seachas ainmhithe síolrúcháin folaíochta:
	--- Seachas speiceas clóis
0102 39 90, 0102 90 99 agus	
ex 0103	Mucra beo:
0103 10 00	- Ainmhithe síolrúcháin folaíochta ^(b)
	- Eile:
ex 0103 91	-- Dar meáchan níos lú ná 50 kg:
0103 91 90	--- Seachas speiceas clóis
ex 0103 92	-- Dar meáchan 50 kg nó níos mó
0103 92 90	-- Seachas speiceas clóis
0106	Ainmhithe beo eile
ex 0203	Feoil mucra, úr, fhuaraithe nó reoite:
	- Úr nó fuaraithe:
ex 0203 11	-- Conablaigh agus leathchonablaigh:
0203 11 90	--- Seachas ó mhucra clóis
ex 0203 12	-- Liamhása, guailí agus gearrthacha díobh, ar an gcnámh:
0203 12 90	--- Seachas ó mhucra clóis
ex 0203 19	-- Eile:
0203 19 90	--- Seachas ó mhucra clóis
	- Reoite:
ex 0203 21	-- Conablaigh agus leathchonablaigh:
0203 21 90	--- Seachas ó mhucra clóis
ex 0203 22	-- Liamhása, guailí agus gearrthacha díobh, ar an gcnámh:
0203 22 90	--- Seachas ó mhucra clóis
ex 0203 29	-- Eile:
0203 29 90	--- Seachas ó mhucra clóis
ex 0205 00	Feoil asal, miúileanna nó ráineach, úr, fhuaraithe nó reoite

Cód AC	Tuairisc
ex 0206	Scairteach inite ó bhó-ainmhithe, mucra, caora, gabhair, capaill, asail, miúileanna nó ráinigh, úr, fuaraithe nó reoite:
ex 0206 10 agus	- Ó bhó-ainmhithe, úr nó fuaraithe
0206 10 10	-- Chun táirgí cógaisíochta a mhonarú (°)
	- Ó bhó-ainmhithe, reoite:
ex 0206 22 00	-- Aenna:
	--- Chun táirgí cógaisíochta a mhonarú (°)
ex 0206 29	-- Eile:
0206 29 10	--- Chun táirgí cógaisíochta a mhonarú (°)
ex 0206 30 00	- Ó mhucra, úr nó fuaraithe:
	-- Chun táirgí cógaisíochta a mhonarú (°)
	-- Eile:
	--- seachas ó mhucra clóis
	- Ó mhucra, reoite:
ex 0206 41 00	-- Aenna:
	--- Chun táirgí cógaisíochta a mhonarú (°)
	--- Eile:
	---- seachas ó mhucra clóis
ex 0206 49 00	-- Eile:
	--- Ó mhucra clóis:
	---- Chun táirgí cógaisíochta a mhonarú (°)
	--- Eile
ex 0206 80	- Eile, úr nó fuaraithe:
0206 80 10	-- Chun táirgí cógaisíochta a mhonarú (°)
	-- Eile:
0206 80 91	--- Ó chapaill, ó asail, ó mhiúileanna agus ó ráinigh
ex 0206 90	- Eile, reoite:
0206 90 10	-- Chun táirgí cógaisíochta a mhonarú (°)
	-- Eile:
0206 90 91	--- Ó chapaill, ó asail, ó mhiúileanna agus ó ráinigh
0208	Feoil agus scairteach eile inite, úr, fuaraithe nó reoite
ex 0210	Feoil agus scairteach feola inite, saillte, faoi sháile, triomaithe nó deataithe; plúir agus min inite ó fheoil nó ó scairteach feola:
	- Feoil mhucra:
ex 0210 11	-- Liamhása, guailí agus gearrthacha díobh, ar an gcnámh:
0210 11 90	--- Seachas ó mhucra clóis
ex 0210 12	-- Boilg (stríocach) agus gearrthacha díobh:
0210 12 90	--- Seachas ó mhucra clóis

Cód AC	Tuairisc
ex 0210 19	-- Eile:
0210 19 90	--- Seachas ó mhucra clóis
	- Eile, lena n-áirítear plúir agus min inite ó fheoil nó ó scairteach feola:
0210 91 00	-- Ó phríomhaigh
0210 92	-- Ó mhíolta móra, ó dheilfeanna agus ó mhuca mara (mamaigh den ord Cetacea); ó bha mara agus ó dhuganganna (mamaigh den ord Sirenia); ó róna, ó mhór-róna agus ó rosuailt (mamaigh den fho-ord Pinnipedia)
0210 93 00	-- Ó reiptílí (nathracha agus turtair san áireamh)
ex 0210 99	-- Eile:
	--- Feoil:
0210 99 31	---- Ó réinfhianna
0210 99 39	---- Eile
	--- Scairteach:
	---- Seachas ó mhucra clóis, ó bhó-ainmhithe, ó chaoirigh agus ó ghabhair
0210 99 85	----- Seachas aenna éanlaithe clóis
ex 0407	Uibheacha éan, sna blaoscanna, úra, leasaithe nó cócaráilte:
0407 19 90	- Seachas uibheacha éanlaithe clóis
0407 29 90 agus	
0407 90 90	
ex 0408	Uibheacha éan, nach bhfuil sna blaoscanna, agus buíocáin uibhe, úra, thriomaithe, chócaráilte trí ghalú nó trí bheiriú in uisce, mhúnlaithe, reoite nó leasaithe ar bhealach eile, cibé acu atá siúcra breise nó ábhar mísiúcháin eile curtha leo nó nach bhfuil:
	- Buíocáin uibheacha:
ex 0408 11	-- Triomaithe:
0408 11 20	--- Atá mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine ^(d)
ex 0408 19	-- Eile:
0408 19 20	--- Atá mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine ^(d)
	- Eile:
ex 0408 91	-- Triomaithe:
0408 91 20	--- Atá mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine ^(d)
ex 0408 99	-- Eile:
0408 99 20	--- Atá mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine ^(d)
0410 00 00	Táirgí inite de thionscnamh ainmhíoch, nach sonraítear nó nach n-áirítear in aon áit eile
0504 00 00	Putóga, lamhnáin agus goilí ainmhíthe (seachas éisc), ina n-iomláine agus codanna díobh, úra, fuaraithe, reoite, sailte, faoi sháile, triomaithe nó deataithe
ex 0511	Táirgí ó ainmhíthe nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; ainmhíthe marbha faoi Chaibidil 1 nó faoi Chaibidil 3, mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine:
0511 10 00	- Seamhan buaibheach
	- Eile:
ex 0511 99	-- Eile:
0511 99 85	--- Eile

Cód AC	Tuairisc
ex 0709	Glasraí eile, úra nó fuaraithe:
ex 0709 60	-Torthaí den ghéineas Capsicum nó den ghéineas Pimenta: -- Eile:
0709 60 91	----Den ghéineas Capsicum, chun ruimeanna oiléaroisín capsacaim nó capsicin a mhonarú (°)
0709 60 95	--- Le haghaidh monarú tionsclaíoch blátholaí nó roisineoidí (°)
0709 60 99	--- Eile
ex 0710	Glasraí (neamhchócaráilte nó cócaráilte trí ghalú nó trí uisce a bheiriú), reoite:
ex 0710 80	-Glasraí eile: -- Torthaí den ghéineas Capsicum nó den ghéineas Pimenta:
0710 80 59	--- Seachas piobair mhilse
ex 0711	Glasraí atá leasaithe go sealadach (mar shampla, le gás dé-ocsaíde sulfair, faoi sháile, in uisce sulfair nó i dtuaslagáin leasaitheacha eile), ach nach féidir iad a ithe díreach sa staid sin:
ex 0711 90	-Glasraí eile; meascáin de ghlasraí: -- Glasraí:
0711 90 10	----Torthaí den ghéineas Capsicum nó den ghéineas Pimenta, seachas piobair mhilse
ex 0713	Glasraí léagúmacha triomaithe, scilligthe, cibé acu scafa nó scoilte nó gan a bheith:
ex 0713 10	-Piseanna (<i>Pisum sativum</i>):
0713 10 90	-- Seachas le cur
ex 0713 20 00	-Sicphiseánaigh (<i>garbanzo</i>): -- Seachas le cur --Pónairí (<i>Vigna spp.</i> , <i>Phaseolus spp.</i>):
ex 0713 31 00	--Pónairí den speiceas <i>Vigna mungo</i> (L) Hepper nó <i>Vigna radiata</i> (L) Wilczek: --- Seachas le cur
ex 0713 32 00	--Pónairí dearga beaga (<i>Adzuki</i>) (<i>Phaseolus</i> nó <i>Vigna angularis</i>): --- Seachas le cur
ex 0713 33	--Pónairí duánacha, lena n-áirítear pónairí pise bána (<i>Phaseolus vulgaris</i>): --- Seachas le cur
ex 0713 34 00	--Pónairí Bambara (<i>Vigna subterranea</i> nó <i>Voandzeia subterranea</i>)
ex 0713 35 00	--- Seachas le cur
ex 0713 39 00	--Piseanna bó (<i>Vigna unguiculata</i>): --- Seachas le cur -- Eile: --- Seachas le cur
ex 0713 40 00	-Lintilí: -- Seachas le cur
ex 0713 50 00	-Pónairí leathana (<i>Vicia faba</i> var. <i>major</i>) agus pónairí capaill (<i>Vicia faba</i> var. <i>equina</i> agus <i>Vicia faba</i> var. <i>minor</i>): -- Seachas le cur
ex 0713 60 00	-Piseanna colúir (<i>Cajanus cajan</i>):

Cód AC	Tuairisc
	-- Seachas le cur
ex 0713 90 00	- Eile: -- Seachas le cur
0801	Cnónna cócó, cnónna Brasaíleacha agus cnónna caisiú úra nó triomaithe, cibé acu atá siad scilligthe nó scafa nó nach bhfuil
ex 0802	Cnónna eile, úra nó triomaithe, cibé acu atá siad scilligthe nó scafa nó nach bhfuil:
0802 70 00	- Cnónna Kola (Cola spp.)
0802 80 00	- Cnónna Areca
ex 0804	Dátaí, figí, anainn, abhacáid, guábhaí, mangónna agus "mangosteen", úra nó triomaithe:
0804 10 00	- Dátaí
0902	Tae, cibé acu atá blas curtha leis nó nach bhfuil
ex 0904	Piobar den ghéineas Piper; triomaithe nó brúite nó torthaí meilte den ghéineas Capsicum nó den ghéineas Pimenta, seachas piobair mhilse faoi fho-cheannteideal 0904 21 10
0905	Fanaile
0906	Cainéal agus bláthanna an chrainn chainéil
0907	Clóibh (an toradh iomlán, na clóibh agus na gais)
0908	Noitmig, maicis agus cardamaim
0909	Síolta ainise, réalt-ainís, finéal, lus an choirre, cuimín nó cearbhas; sméara aitul
ex 0910	Sinséar, tuirmiric (curcuma), duillí labhrais, curaí agus spíosraí eile, seachas tím agus cróch
ex 1106	Plúr, min agus púdar na nglasraí léagúmacha triomaithe faoi cheannteideal 0713; plúr, min agus púdar sáig nó fréamhacha nó tiúbar faoi cheannteideal 0714 nó ó na táirgí i gCaibidil 8:
1106 10 00	- Ó na glasraí léagúmacha triomaithe faoi cheannteideal 0713
ex 1106 30	- Ó na táirgí i gCaibidil 8:
1106 30 90	-- Seachas bananaí
ex 1108	Stáirsí; ionúilin:
1108 20 00	- Ionúilin
1201 90 00	Pónairí soighe, bíodh siad briste nó gan a bheith briste, seachas síolta
1202 41 00	Piseanna talún, nach bhfuil rósta ná cócaráilte i slí eile, sa bhlaosc, seachas síolta
1202 42 00	Piseanna talún, nach bhfuil rósta ná cócaráilte i slí eile, scilligthe, bíodh siad briste nó gan a bheith briste, seachas síolta
1203 00 00	Copra
1204 00 90	Ros lín, cibé acu atá briste nó nach bhfuil, nach bhfuil le cur
1205 10 90 agus ex 1205 90 00	Síolta ráibe nó síolta colsa, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil, nach bhfuil le cur
1206 00 91	Síolta lus na gréine, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil, nach bhfuil le cur
1206 00 99	
1207 29 00	Síolta cadáis, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil, nach bhfuil le cur
1207 40 90	Síolta seasamain, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil, nach bhfuil le cur
1207 50 90	Síolta mustaird, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil, nach bhfuil le cur
1207 91 90	Síolta poipín, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil, nach bhfuil le cur
1207 99 91	Síolta cnáibe, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil, nach bhfuil le cur

Cód AC	Tuairisc
ex 1207 99 96 1208	Síolta ola eile agus torthaí olúla, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil, nach bhfuil le cur Plúir agus min síolta ola nó torthaí olúla, seachas iad siúd ó mhustard
ex 1211	Plandaí agus codanna de phlandaí (lena n-áirítear síolta agus torthaí) de chineál a úsáidtear go príomha i gcumhradóireacht, i gcógaisíocht nó le haghaidh feithidicídí, fuingicídí nó nithe comhchosúla, úra nó triomaithe, cibé acu gearrtha, brúite nó púdraithe nó gan a bheith, seachas na táirgí atá liostaithe faoi chód AC ex 1211 90 86 i gCuid IX;
ex 1212	Pónairí lócaiste, feamainn agus algaí eile, biatas siúcra agus cána siúcra, úr, fuaraithe, reoite nó triomaithe, cibé acu atá sé meilte nó nach bhfuil; clocha agus eithní torthaí agus táirgí plandúla eile (lena n-áirítear fréamhacha siocaire neamhrósta den chineál Cichorium intybus var. sativum) de chineál a úsáidtear go príomha lena gcaitheamh ag an duine, nach sonraítear nó nach n-áirítear in aon áit eile:
ex 1212 99 1212 99 41 agus 1212 99 49	-- Seachas cána siúcra: --- Síolta pónaire lócaiste
ex 1212 99 95	--- Eile, seachas fréamh siocaire
1213 00 00	Crotail agus tuí gránaigh, gan ullmhú, cibé acu atá siad mionghearrtha, meilte, brúite nó i bhfoirm millíní nó nach bhfuil
ex 1214	Svaeideanna, meaingil, fréamhacha farae, féar tirim, meidic na mbó (alfalfa), seamair, goirm choiligh, cáil foráiste, lúipíní, peasairí agus táirgí foráiste comhchosúla, cibé acu atá siad i bhfoirm millíní nó nach bhfuil:
ex 1214 10 00	- Min agus millíní meidic na mbó (alfalfa), seachas ó mheidic na mbó triomaithe le teas saorga nó ó mheidic na mbó a triomaíodh agus a meileadh ar bhealach eile
ex 1214 90	- Eile:
1214 90 10	-- Meaingil, svaeideanna agus fréamhacha farae eile
ex 1214 90 90	-- Eile, ach amháin: - Meidic na mbó, goirm choiligh, seamair, lúipíní, peasairí agus táirgí farae comhchosúla, atá triomaithe le teas saorga, seachas féar tirim agus cáil farae agus táirgí a bhfuil féar tirim iontu - Meidic na mbó, goirm choiligh, seamair, lúipíní, peasairí, loiteog meala, pis phréacháin agus crúb éin, triomaithe agus meilte ar bhealach eile
ex 1502	Saill bó-ainmhithe, chaora nó ghabhair, seachas iad siúd faoi cheannteideal 1503:
ex 1502 10 10 ex 1502 90 10	- Le haghaidh úsáidí tionsclaíocha seachas monarú bia-ábhar atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine, seachas saill a fhaightear ó chnámha agus ó dhramhaíl (9)
1503 00	Stéirin blonaige, ola bhlonaise, oiléistéirin, ola-oilé agus ola gheire, nach bhfuil eiblithe, measctha ná ullmhaithe ar shlí eile
ex 1504	Sailte agus olaí agus a gcodáin, ó éisc nó ó mhamaigh mhuirí, cibé acu atá siad scagtha nó nach bhfuil, ach nach bhfuil modhnú ceimiceach déanta orthu, seachas olaí ae éisc agus codáin cheannteideal 1504 10 agus sailte agus olaí agus a gcodáin, ó éisc, seachas olaí ae cheannteideal 1504 20
1507	Ola phónaire shoighe agus a codáin, cibé acu atá siad scagtha nó nach bhfuil, ach nach bhfuil modhnú ceimiceach déanta orthu
1508	Ola na pise talún agus a codáin, cibé acu atá siad scagtha nó nach bhfuil, ach nach bhfuil modhnú ceimiceach déanta orthu

Cód AC	Tuairisc
1511	Ola phailme agus a codáin, cibé acu atá siad scagtha nó nach bhfuil, ach nach bhfuil modhnú ceimiceach déanta orthu
1512	Ola lus na gréine, ola chróch bhréige nó ola shíol cadáis agus codáin díobh, cibé acu atá siad scagtha nó nach bhfuil, ach nach bhfuil modhnú ceimiceach déanta orthu
1513	Cnó cócó (copra), eithne phailme nó ola bhabasú agus codáin díobh, cibé acu atá siad scagtha nó nach bhfuil, ach nach bhfuil modhnú ceimiceach déanta orthu
1514	Ola ráibe, ola colza nó ola mhustaird agus codáin díobh, bídis scagtha nó ná bíodh, ach nach bhfuil modhnú ceimiceach déanta orthu
ex 1515	Saillte plandúla seasta agus olaí plandúla seasta eile (seachas ola jojoba faoi fho-cheannteideal ex 1515 90 11) agus a gcodáin, cibé acu atá siad scagtha nó nach bhfuil, ach nach bhfuil modhnú ceimiceach déanta orthu
ex 1516	Saillte agus olaí ainmhíocha nó plandúla agus codáin díobh, hidriginithe go hiomlán nó i bpáirt, idir-eistearaithe, atheistearaithe nó eilídnithe, cibé acu atá siad scagtha nó nach bhfuil, ach nach bhfuil tuilleadh ullmhúcháin déanta orthu (seachas ola ricne hidriginithe, ar a dtugtar 'céir ópalach' faoi fho-cheannteideal 1516 20 10)
ex 1517	Margairín; meascáin nó ullmhóidí inite de shailte nó olaí ainmhíocha nó plandúla nó de chodáin de shailte nó olaí éagsúla sa chaibidil seo, seachas saillte nó olaí inite nó codáin díobh faoi cheannteideal 1516, seachas fo-cheannteidil 1517 10 10, 1517 90 10 agus 1517 90 93
1518 00 31	Olaí plandúla seasta, sreabhán, arna meascadh le haghaidh úsáidí teicniúla nó tionsclaíocha seachas monarú bia-ábhar atá oiriúnach lena chaitheamh ag an duine (°)
1518 00 39	
1522 00 91	Dríodar agus bunanna ola; stoic gallúnaí, a thagann ó chóireáil substaintí sailleacha nó céaracha ainmhithe nó glasraí, seachas cinn ina bhfuil ola a bhfuil tréithe ola olóige aici
1522 00 99	Iarmhair eile a thagann ó chóireáil substaintí sailleacha nó céaracha ainmhithe nó glasraí, seachas cinn ina bhfuil ola a bhfuil tréithe ola olóige aici
ex 1602	Feoil, miodamas feola nó fuil eile, ullmhaithe nó leasaithe: - Ó mhucra:
ex 1602 41	--Liamhása agus gearrthacha díobh:
1602 41 90	---Seachas ó mhucra clóis
ex 1602 42	--Guailí agus gearrthacha díobh:
1602 42 90	---Seachas ó mhucra clóis
ex 1602 49	--Eile, lena n-áirítear meascáin:
1602 49 90	---Seachas ó mhucra clóis
ex 1602 90	-Eile, lena n-áirítear ullmhóidí déanta d'fhuil ainmhí ar bith: --Seachas ullmhóidí déanta d'fhuil ainmhí ar bith:
1602 90 31	---Ó ghéim nó choinín ---Eile: ----Nach bhfuil feoil nó scairteach feola mucra clóis iontu: -----Nach bhfuil feoil nó scairteach bhó-ainmhithe iontu:
1602 90 99	-----Seachas ó chaora nó ó ghabhair
ex 1603 00	Úisc agus súnna ó fheoil
1801 00 00	Pónairí cócó, iomlán nó briste, amh nó rósta
1802 00 00	Blaoscanna, mogaill agus craicne cócó agus fuíoll eile cócó

Cód AC	Tuairisc
ex 2001	Glasraí, torthaí, cnónna agus codanna inite eile de phlandaí, ullmhaithe nó leasaithe le fínéagar nó le haigéad aicéiteach:
ex 2001 90	– Eile:
2001 90 20	-- Torthaí den ghéineas Capsicum ach amháin piobair mhilse nó pimeantó
ex 2005	Glasraí eile ullmhaithe nó leasaithe seachas le fínéagar nó le haigéad aicéiteach, nach bhfuil reoite, seachas táirgí faoi cheannteideal 2006:
ex 2005 99	– Glasraí eile agus meascáin de ghlasraí:
2005 99 10	-- Torthaí den ghéineas Capsicum ach amháin piobair mhilse nó pimeantó
ex 2206	Deochanna coipthe eile (mar shampla, ceirtlis, leann piorraí, meá); meascáin de dheochanna coipthe agus meascáin de dheochanna coipthe agus deochanna neamh-mheisciúla, nach sonraítear nó nach n-áirítear in aon áit eile:
2206 31 91 go	– Seachas piquette
2206 00 89	
ex 2301	Plúir, min agus millíní, ó fheoil agus ó scairteach feola, ó éisc nó ó chrústaigh, ó mhoilisc nó ó inveirteabraigh uisce eile, nach bhfuil oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine; geirdheascadh:
2301 10 00	– Plúir, min agus millíní, ó fheoil nó ó scairteach feola; geirdheascadh
ex 2302	Bran, géara agus iarmhair eile, cibé acu atá siad i bhfoirm millíní nó nach bhfuil, díorthaithe ó ghránaigh nó plandaí léagúmacha a chriathrú, a mhuilleáil nó a phróiseáil ar bhealach eile:
2302 50 00	– Ó phlandaí léagúmacha
2304 00 00	Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, cibé acu atá siad meilte nó i bhfoirm millíní nó nach bhfuil, de thoradh ola phónaire shoighe a úscadh
2305 00 00	Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, cibé acu atá siad meilte nó i bhfoirm millíní nó nach bhfuil, de thoradh ola na pise talún a úscadh
ex 2306	Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, cibé acu atá siad meilte nó i bhfoirm millíní nó nach bhfuil, de thoradh úscadh saille nó olaí plandúla, seachas na cinn faoi cheannteideal 2304 nó 2305 ach amháin fo-cheannteideal 2306 90 05 (cáca ola agus iarmhair sholadacha eile de thoradh ginidín arbhair Indiaigh (arbhar) a úscadh) agus 2306 90 11 agus 2306 90 19 (cáca ola agus iarmhair sholadacha eile de thoradh ola ológa a úscadh)
ex 2307 00	Moirt fhíona; argol:
2307 00 90	– Argol
ex 2308 00	Ábhair ghlasraí agus fuíollábhar glasraí, fotháirgí agus iarmhair ghlasraí, cibé acu atá siad i bhfoirm millíní nó nach bhfuil, de chineál a úsáidtear i mbeathú ainmhithe, nach sonraítear nó nach n-áirítear in aon áit eile:
2308 00 90	– Seachas marc fionchaor, dearcáin agus cnónna capaill, marc torthaí, seachas fionchaora
ex 2309	Ullmhóidí den chineál a úsáidtear i mbeathú ainmhithe:
ex 2309 10	– Bia do mhadraí nó do chait, ar an margadh le haghaidh miondíola:
2309 10 90	-- Nach bhfuil stáirse, glúcós, síoróip ghlúcóis, maltaideistrin nó síoróip mhaltaideistrine ann faoi na ceannteidealí 1702 30 50, 1702 30 90, 1702 40 90, 1702 90 50 agus 2106 90 55 ná táirgí bainne
ex 2309 90	– Eile:
ex 2309 90 10	-- Eile, lena n-áirítear réamh-mheascáin: -- Ábhair intuaslagtha ó mhamaigh mhuirí

Cód AC	Tuairisc
ex 2309 90 91 go 2309 90 96	<p>--- Nach bhfuil stáirse, glúcós, síoróip ghlúcóis, maltaideislin nó síoróip mhaltaideisline ann faoi na ceannteidil 1702 30 50, 1702 30 90, 1702 40 90, 1702 90 50 agus 2106 90 55 ná táirgí bainne, ar eisiaimh</p> <p>-Tiúchain phróitéine faighte ó shú mheidic na mbó agus ó shú féir</p> <p>-Táirgí díhiodráitithe a fhaightear ó iarmhair sholadacha agus shú amháin a thagann ó ullmhú na dtiúchan dá dtagraítear sa chéad fhleasc</p>

(^a) Tá iontráil faoin bhfo-cheannteideal seo faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos i bhforálacha ábhartha an Aontais (féach Treoir 94/28/CE ón gComhairle (¹) agus Rialachán (CE) Uimh 504/2008 ón gCoimisiún (²)).

(¹) Treoir 94/28/CE ón gComhairle an 23 Meitheamh 1994 lena leagtar síos na príonsabail maidir leis na coinníollacha zóiteicniúla agus ginealais is infheidhme maidir le honnmhairi ainmhithe ó tríú tíortha, a seamhan, ubhain agus suthanna agus lena n-aisghairtear Treoir 77/504/EEC maidir le hainmhithe foláiochta síolrúcháin den speiceas buaibheach (IO L 178, 12.7.1994, lch. 66).

(²) Rialachán (AE) Uimh. 504/2008 ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2008 lena gcuirtear Treoracha 90/426/CEE agus 90/427/CEE maidir le modhanna chun equidae a shainaithint (IO L 149, 7.6.2008, lch. 3).

(^b) Tá iontráil faoin bhfo-cheannteideal seo faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos i bhforálacha ábhartha an Aontais (féach Treoir 88/661/CE ón gComhairle (³); Treoir 94/28/CE; agus Cinneadh 96/510/CE ón gCoimisiún (⁴)).

(³) Treoir 88/661/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig maidir leis na coinníollacha zóiteicniúla is infheidhme maidir seamhan ainmhithe den speiceas mucúil (IO L 382, 31.12.1988, lch. 36).

(⁴) Cinneadh 96/510/CE ón gCoimisiún an 18 Iúil 1996 lena leagtar síos na deimhnithe ginealaigh agus zóiteicniúla le haghaidh onnmhairiú seamhan ainmhithe, a seamhan, ubhain agus suthanna (IO L 210, 20.8.1996, lch 53).

(^c) Tá iontráil faoin bhfo-cheannteideal seo faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos i bhforálacha ábhartha an Aontais (féach Airteagail 291 go 300 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93

(^d) Tá iontráil faoin bhfo-cheannteideal seo faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos i mír F de Roinn II de réamhforálacha na hAinmníochta Comhcheangailte.

Roinn 2

Cód AC	Tuairisc
0101 29 10	Capaill bheo, le marú (^a)
ex 0205 00	Feoil capall, í úr, fuaraithe nó reoite
0210 99 10	Feoil capall, í saillte, faoi sháile nó triomaithe
0511 99 10	Féitheog nó teannáin; dramh bearrtha agus dramh dá samhail ó sheithí nó ó chraicne amha
0701	Prátaí, iad úr nó fuaraithe
0901	Caife, bíodh sé rósta, díchaiféinithe nó ná bíodh; ionadaigh chaife a bhfuil cion éigin caife iontu
1105	Plúr, min, púdar, calóga, gráinníní agus millíní prátaí ex 1212 99 95
ex 1212 99 95	Fréamhacha siocaire
2209 00 91 agus 2209 00 99	Fínéagar agus ionadain fínéagair a fhaightear ó aigéad aicéiteach seachas fínéagar fíona
4501	Corc nádúrtha, amh nó ullmhaithe go simplí; corc brúite, gránaithe nó meilte

(^a) Tá iontráil faoin bhfo-cheannteideal seo faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos i bhforálacha ábhartha an Aontais (féach Airteagail 291 go 300 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún.

IARSCRÍBHINN II

SAINMHÍNITHE DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 3(1)

CUID I

Sainmhínithe a bhaineann le hearnáil na ríse

- I. Déanfar na téarmaí 'rís gan scilligeadh', 'rís scilligthe', 'rís leathmheilte', 'rís lánmheilte', 'rís chruinnghránach', 'rís mheánghránach', 'rís fhadghránach A nó B' agus 'rís bhriste' a shainmhíniú mar seo a leanas:
1. (a) Ciallaíonn 'rís gan scilligeadh' rís a choinnigh a crotal i ndiaidh a buailte.
 - (b) Ciallaíonn 'rís scilligthe' rís nár baineadh ach an crotal di. I measc na samplaí de rís a thagann faoin sainmhíniú seo tá siad siúd a shonraítear ar bhonn tráchtála mar 'rís dhonn', 'rís lasta', 'loonzain' agus 'riso sbramato'.
 - (c) Ciallaíonn 'rís leathmheilte' rís gan scilligeadh ar baineadh an crotal di, mar aon le cuid den ghinidín agus cuid de shraitheanna seachtracha an pheireacairp nó iad go léir ach nár baineadh na sraitheanna inmheánacha di.
 - (d) Ciallaíonn 'rís lánmheilte' rís gan scilligeadh ar baineadh an crotal di, mar aon le sraitheanna seachtracha agus inmheánacha uile an pheireacairp, agus an ginidín iomlán i gcás ríse fadghránaí nó ríse meánghránaí agus cuid de ar a laghad i gcás ríse cruinnghránaí, ach ar féidir fadstríoca bána a bheith fágtha ar líon nach mó ná 10 % de na gránaigh.
 2. (a) Ciallaíonn 'rís chruinnghránach' rís nach bhfuil a gráinní níos faide ná 5,2 mm agus a bhfuil cóimheas faid/leithid níos lú ná 2 acu.
 - (b) Ciallaíonn 'rís mheánghránach' rís a bhfuil a gráinní níos faide ná 5,2 mm ach nach bhfuil níos faide ná 6,0 mm agus a bhfuil cóimheas faid/leithid nach mó ná 3 acu.
 - (c) Ciallaíonn 'rís fhadghránach'
 - (i) rís fhadghránach A, eadhon rís a bhfuil a gráinní níos faide ná 6,0 mm agus cóimheas faid/leithid níos mó ná 2 ach níos lú ná 3 acu;
 - (ii) rís fhadghránach B, eadhon rís a bhfuil a gráinní níos faide ná 6,0 mm agus cóimheas faid/leithid de 3 nó níos mó acu.
 - (d) Ciallaíonn 'tomhais na ngráinní' go ndéantar gráinní rís lánmheilte a thomhas sa mhodh seo a leanas:
 - (i) sampla a thógáil atá ionadaíoch don bhaisc iomlán;
 - (ii) criathrú a dhéanamh ar an sampla i dtreo is nach gcoinneofar ach gráinní iomlána, lena n-áirítear gráinní neamhaibí;
 - (iii) dhá thomhas a dhéanamh, 100 gráinne an ceann, agus an meán a oibriú amach;
 - (iv) an toradh a léiriú i milliméadair, tugtha go dtí ionad deachúlach amháin.
 3. Ciallaíonn 'rís bhriste' bloghanna gráinne nach bhfuil níos faide ná trí cheathrú de mheánmhéid na gráinne iomláine.
- II. Maidir le gráinní agus gráinní briste nach bhfuil ar cháilíocht gan cháim, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
1. Ciallaíonn 'gráinní iomlána' gráinní nár baineadh ach cuid den cheann díobh, is cuma cé na tréithe arna dtáirgeadh ag gach céim den mhuilleáil.
 2. Ciallaíonn 'gráinní lomtha' gráinní ar baineadh an ceann iomlán díobh.
 3. Ciallaíonn 'gráinní lomtha' gráinní ar baineadh an ceann iomlán díobh. Ciallaíonn 'bloghanna nó gráinní briste-gráinní ar baineadh cuid dá méid atá níos mó ná an ceann díobh; áirítear mar ghráinní briste:
 - (i) gráinní briste móra (píosáí gráinne nach bhfuil níos lú ná leathghráinne ar fad, ach nach ionann agus gráinne iomlán iad),

- (ii) gráinní briste meánmhéide (píosáí gráinne nach bhfuil níos lú ná ceathrú gráinne ar fad, ach atá níos lú ná an t-íosmhéid do 'ghráinní briste móra'),
 - (iii) gráinní briste míne (píosáí gráinne atá níos lú ná ceathrú gráinne ach atá rómhór le dul trí chriathar a bhfuil mogall 1,4 mm air),
 - (iv) tagann bloghanna (codanna beaga nó cáithníní de ghráinne ar féidir leo dul trí chriathar a bhfuil mogall 1,4 mm air); gráinní scoilte (píosáí a thagann ó scoilt chomhréireach sa ghráinne) faoin sainmhíniú seo.
4. Ciallaíonn 'gráinní glasa' gráinní nach bhfuil iomlán aibí.
 5. Ciallaíonn 'gráinní a bhfuil míchuma nádúrtha orthu' gráinní a bhfuil míchuma nádúrtha orthu cibé acu atá sé de thionscnamh dúchasach nó nach bhfuil, i gcomparáid leis na tréithe moirfeolaíocha atá tipiciúil don chineál sin.
 6. Ciallaíonn 'gráinní cailceacha' gráinní a bhfuil cuma theimhneach agus chailceach ar thrí cheathrú ar a laghad dá ndromchla.
 7. Ciallaíonn 'gráinní a bhfuil stríoca dearga orthu' gráinní a bhfuil stríoca dearga comhréireacha de dhéine agus imreacha éagsúla orthu, de bharr iarmhair ón bpeireacarp.
 8. Ciallaíonn 'gráinní ballacha' gráinní a bhfuil ciorcal beag glan soiléir orthu, de dhath dorcha agus de ghnáthchruth; áirítear mar ghráinní ballacha freisin cinn ar a bhfuil stríoca dubha éadroma ar an dromchla amháin.
 9. Ciallaíonn 'gráinní ruaimnithe' gráinní ar soiléir gur athraigh a ndath nádúrtha, ar achar beag dá ndromchla; féadfaidh dathanna éagsúla a bheith ar na ruamanna (scothdhubh, scothdhearg, donn); glactar le stríoca dubha doimhne mar ruamanna freisin. Má tá dath na ruamanna soiléir go leor (dubh, bándearg, donndearg) is gur féidir é a fheiceáil láithreach agus má chluadaíonn siad achar nach lú ná leath achar an ghráinne, ní mór glacadh leis na gráinní mar ghráinní buí.
 10. Ciallaíonn 'gráinní buí' gráinní a bhfuil athrú tagtha ar a ndath nádúrtha, go hiomlán nó i bpáirt, ar bhealach eile seachas trí thriomú, agus a bhfuil ton líomóide nó buí-oráiste orthu anois.
 11. Ciallaíonn 'gráinní ómracha' gráinní a bhfuil athrú beag aonfhoirmeach tagtha ar a ndath, thar a ndromchla iomlán, ar bhealach eile seachas triomú; athraíonn dath na ngráinní go buí ómrach éadrom de bharr an athraithe seo.

CUID II

Sainmhínte teicniúla a bhaineann le hearnáil an tsúcra

Roinn A

Sainmhínte ginearálta

1. Ciallaíonn 'siúcraí bána' siúcraí, nach bhfuil blas ná dath ná aon substaintí eile curtha leo, a bhfuil 99,5 % nó níos mó de shiúcros iontu de réir meáchain sa staid thirim, arna shocrú sa mhodh polaraiméadrach.
2. Ciallaíonn 'siúcraí amha' siúcraí, nach bhfuil blas ná dath ná aon substaintí eile curtha leo, a bhfuil níos lú ná 99,5 % de shiúcros iontu de réir meáchain sa staid thirim, arna shocrú sa mhodh polaraiméadrach.
3. Ciallaíonn 'iseaglúcós' an táirge a fhaightear ó ghlúcós nó óna pholaiméirí a bhfuil 10 % d'fhruchtós ar a laghad ann de réir meáchain sa staid thirim.
4. Ciallaíonn 'sioróip ionúiline' an táirge díreach a fhaightear trí hidrealú a dhéanamh ar ionúilin nó ar olagafruchtóis, a bhfuil 10 % d'fhruchtós ar a laghad ann de réir meáchain sa staid thirim, i bhfoirm shaor, arna shloinneadh mar choibhéisí iseaglúcóis/siúcra. D'fhonn srianta ar an margadh a sheachaint le haghaidh táirgí a bhfuil cumas milsiúcháin íseal acu arna dtáirgeadh ag próiseálaithe snáithín ionúiline gan chuóta sioróipe ionúiline, féadfaidh an Coimisiún trí bhithín gníomhartha tarmálgthe de bhun phointe (a) d'Airteagal 125(4) an sainmhíniú seo a leasú.
5. Ciallaíonn 'conradh seachadta' conradh arna thabhairt i gcrích idir díoltóir agus gnóthas chun biatas a sheachadadh le haghaidh siúcra a mhonarú.
6. Ciallaíonn 'comhaontú laistigh den trádáil' ceann díobh seo a leanas:
 - (a) comhaontú arna thabhairt i gcrích, sula dtabharfar conradh seachadta ar bith i gcrích, idir gnóthais nó eagraíocht gnóthas arna haithint ag an mBallstát lena mbaineann, nó grúpa eagraíochtaí gnóthas den chineál sin, ar láimh amháin agus comhlachas díoltóirí arna aithint ag an mBallstát lena mbaineann ar an láimh eile;

- (b) mura bhfuil comhaontú ann amhail an ceann dá dtagraítear i bpointe (a), an dlí maidir le cuideachtaí agus an dlí maidir le comharchumainn, chomh fada is a rialaíonn siad seachadadh biatais siúcra ag scairshealbhóirí nó ag bail cuideachta nó comharchumainn a dhéanann siúcra a mhonarú.

Roinn B:

Sainmhínte a bhfuil feidhm acu maidir leis an tréimshe dá dtagraítear in Airteagal 124

1. Ciallaíonn 'siúcra cuóta', 'iseaghlúcós cuóta' agus 'sioróip ionúiline cuóta' cainníocht ar bith de tháirgeadh siúcra, iseaghlúcóis nó sioróipe ionúiline ar féidir a chur i leith bliana margaíochta ar leith faoi chuóta an ghnóthais lena mbaineann.
2. Ciallaíonn 'siúcra tionsclaíoch' cainníocht ar bith de tháirgeadh siúcra ar féidir a chur i leith bliana margaíochta ar leith os cionn na cainníochta siúcra dá dtagraítear i bpointe (5), a bhfuil sé beartaithe go dtáirgfeadh an tionscal ceann de na táirgí dá dtagraítear in Airteagal 140(2) as.
3. Ciallaíonn 'iseaghlúcós tionsclaíoch' agus 'sioróip ionúiline thionsclaíoch' cainníocht ar bith de tháirgeadh iseaghlúcóis nó sioróipe ionúiline ar féidir a chur i leith bliana margaíochta ar leith, a bhfuil sé beartaithe go dtáirgfeadh an tionscal ceann de na táirgí dá dtagraítear in Airteagal 140(2) as.
4. Ciallaíonn 'siúcra barrachais', 'iseaghlúcós barrachais' agus 'sioróip ionúiline barrachais' cainníocht ar bith de tháirgeadh siúcra, iseaghlúcóis nó sioróipe ionúiline ar féidir a chur i leith bliana margaíochta ar leith, os cionn na gcainníochtaí faoi seach dá dtagraítear i bpointe 1, i bpointe 2 agus i bpointe 3.
5. Ciallaíonn 'biatas cuóta' an biatas siúcra go léir a phróiseáiltear go siúcra cuóta.
6. Ciallaíonn 'scagaire lánaimseartha' aonad táirgthe:

— arb é an t-aon ghníomhaíocht a bhíonn ar siúl ann ná siúcra cána amh allmhairithe a mhínglanadh, nó

— a ndearnadh míphróiseáil ann sa bhliain mhargaíochta 2004/2005, nó 2007/2008 i gcás na Cróite, ar chainníocht de 15 000 tona ar a laghad de shiúcra cána amh allmhairithe.

CUID III

Sainmhínte a bhaineann le hearnáil na leannlusanna

1. Ciallaíonn 'leannlusanna' na bláthraí triomaithe, ar a dtugtar buaircíní freisin, ón bplanda leannlusa dreaptha (baineann) (*Humulus lupulus*); bíonn dath glasbhuí agus cruth ubhchruthóideach ar na bláthraí seo, bíonn gas blátha acu agus bíonn siad idir 2 agus 5 cm ar airde de ghnáth.
2. Ciallaíonn 'púdar leannlusa' an táirge a fhaightear ó mhuilleáil a dhéanamh ar na leannlusanna, a bhfuil a ngnéithe nádúrtha go léir iontu.
3. Ciallaíonn 'púdar leannlusa a bhfuil cion lúpailin níos mó ann' an táirge a fhaightear trí leannlusanna a mhuilleáil i ndiaidh cuid de na duillí, na gais, na brachtanna agus na droimíní a bhaint go meicniúil.
4. Ciallaíonn 'úisc leannlusanna' na táirgí tiubhaithe a fhaightear ó ghníomh tuaslagóir ar na leannlusanna nó ar an bpúdar leannlusa.
5. Ciallaíonn 'táirgí leannlusanna measctha' meascán de dhá tháirge nó níos mó dá dtagraítear i bpointe 1 go 4.

CUID IV

Sainmhínte a bhaineann le hearnáil an fhíona

A bhaineann le fíniúnacha

1. Ciallaíonn 'grafadh' díothú iomlán na stoc fíniúna go léir ar limistéar ina bhfuil fíniúnacha curtha.
2. Ciallaíonn 'plandaí' bunú cinnteach plandaí fíniúna nó codanna de phlandaí fíniúna, cibé acu atá siad nódaithe nó nach bhfuil, d'fhonn fíonchaora a tháirgeadh nó plandlann nódúcháin a bhunú.
3. Ciallaíonn 'nódú ar aghaidh' fíniúin a nódú a ndearnadh nódú uirthi cheana féin.

A bhaineann le táirgí

4. Ciallaíonn 'fionchaora úra' torthaí na fíniúna a úsáidtear chun fíon a dhéanamh, aibí nó fití beagán rísínithe, a bhféadfadh a bheith brúite nó meilte trí mhodhanna ghnáthshiléar fíona agus a dhéadfadh coipeadh alcólach a tháirgeadh uaidh féin.
5. Ciallaíonn 'úrfhíon fionchaor úr coiscthe ó choipeadh trí alcól a chur leis' táirge mar seo a leanas:
 - (a) táirge a bhfuil neart alcóil iarbhír aige nach lú ná 12 % de réir toirte agus nach mó ná 15 % de réir toirte;
 - (b) táirge a fhaightear trí cheann amháin de na táirgí seo a leanas a chur le húrfhíon fionchaor neamhchoipthe, a bhfuil neart alcóil nádúrtha nach lú ná 8,5 % de réir toirte aige agus a fhaightear ó chineálacha fionchaor amháin ar féidir a aicmiú i gcomhréir le hAirteagal 81(2):
 - (i) d'alcól neodrach de thionscnamh fíonmhar, lena n-áirítear alcól arna tháirgeadh ó dhriogadh fionchaor triomaithe, ag a bhfuil neart alcóil iarbhír nach lú ná 96 % de réir toirte;
 - (ii) nó de tháirge neamhchoigeartaithe a fhaightear ó dhriogadh fíona agus ag a bhfuil neart alcóil iarbhír nach lú ná 52 % de réir toirte agus nach mó ná 80 % de réir toirte.
6. Ciallaíonn "sú fionchaor" táirge leachtach neamhchoipthe ach ar féidir a choipeadh a mbaineann an méid seo a leanas leis:
 - (a) faightear é trí chóireáil chuí a dhéanann oiriúnach mar bhia don daoine é;
 - (b) faightear ó fhíonchaora úra nó ó úrfhíon fionchaor é nó trí athbhuanú. I gcás ina bhfaightear é trí athbhuanú, déanfar é a athbhuanú ó úrfhíon fionchaor tiubhaithe nó ó shú fionchaor tiubhaithe.

Tá neart alcóil iarbhír nach mó ná 1 % de réir toirte ceadaithe don sú fionchaor.
7. Is éard a chiallaíonn 'sú fionchaor tiubhaithe' ná sú fionchaor neamhdhóite a fhaightear trí dhíhiodráitiú páirteach sú fionchaor arna dhéanamh trí aon mhodh údaráithe seachas teas díreach ar bhealach a fhágann nach lú ná 50,9 % an figiúr a léirítear ar athraonmhéadar arna úsáid i gcomhréir le modh atá le sannadh ag 20 °C.

Tá neart alcóil iarbhír nach mó ná 1 % de réir toirte ceadaithe don sú fionchaor tiubhaithe.

8. Ciallaíonn 'moirt fíona' an t-iarmhar:
 - (a) arna charnadh in árthaí ina bhfuil fíon i ndiaidh coipthe, le linn stórála nó i ndiaidh cóireála údaráithe;
 - (b) a fhaightear ón táirge dá dtagraítear in (a) a scagadh nó a lártheifneoirí;
 - (c) arna charnadh in árthaí ina bhfuil úrfhíon fionchaor le linn stórála nó i ndiaidh cóireála údaráithe; nó
 - (d) a fhaightear ón táirge dá dtagraítear in (c) a scagadh nó a lártheifneoirí.
9. Ciallaíonn "marc fionchaor" an t-iarmhar ó fhíonchaora úra a bhrú, cibé acu atá siad coipthe nó nach bhfuil.
10. Ciallaíonn 'piquette' táirge a fhaightear trí na bealaí seo a leanas:
 - (a) coipeadh marc fionchaor neamhchóireáilte maothaithe in uisce; nó
 - (b) marc fionchaor coipthe a láisteadh le huisce.
11. Ciallaíonn 'fíon atá treisithe le haghaidh driogadh' táirge mar seo a leanas:
 - (a) táirge a bhfuil neart alcóil iarbhír aige nach lú ná 18 % de réir toirte agus nach mó ná 24 % de réir toirte;

- (b) táirge a fhaightear trí tháirge neamhchoigeartaithe a fhaightear ó dhriogadh fíona, agus a bhfuil neart alcóil iarbhír atá 86 % de réir toirte ar a mhéad ann, a chur le fíon nach bhfuil aon siúcra iarmharach ann agus sa chaoi sin amháin; nó
- (c) táirge a bhfuil aigéadacht so-ghalaithe uasta de 1,5 gram in aghaidh an lítir aige, arna shloinneadh mar aigéad aicéiteach.

12. Ciallaíonn 'cuvée'

- (a) an t-úrfhíon fíonchaor;
- (b) an fíon; nó
- (c) an meascán d'úrfhíonta fíonchaor agus/nó d'fhíonta a bhfuil tréithe éagsúla acu, atá beartaithe chun cineál áirithe fíona súilínigh a ullmhú.

Neart alcóil

- 13. Ciallaíonn 'neart alcóil iarbhír de réir toirte' an líon toirteanna d'fhíoralcól atá ann ag teocht 20 °C in 100 toirt den táirge ag an teocht sin.
- 14. Ciallaíonn 'neart alcóil féideartha de réir toirte' an líon toirteanna d'fhíoralcól ag teocht 20 °C ar féidir a tháirgeadh trí choipeadh iomlán a dhéanamh ar na siúcraí atá in 100 toirt den táirge ag an teocht sin.
- 15. Ciallaíonn 'neart alcóil iomlán de réir toirte', suim an nirt alcóil iarbhír agus an nirt alcóil fhéideartha.
- 16. Ciallaíonn 'neart alcóil nádúrtha de réir toirte' an neart alcóil iomlán de réir toirte atá ag táirge sula ndéantar é a shaibhriú.
- 17. Ciallaíonn 'neart alcóil iarbhír de réir maise' líon na gcileagram d'fhíoralcól atá in 100 cileagram den táirge.
- 18. Ciallaíonn 'neart alcóil féideartha de réir maise' líon na gcileagram d'fhíoralcól ar féidir a tháirgeadh trí choipeadh iomlán a dhéanamh ar na siúcraí atá in 100 cileagram den táirge.
- 19. Ciallaíonn 'neart alcóil iomlán de réir maise' , suim an nirt alcóil iarbhír agus an nirt alcóil fhéideartha.

CUID V

Sainmhínte a bhaineann le hearnáil na mairteola agus na laofheola

Ciallaíonn 'bó-ainmhíthe' ainmhíthe beo den speiceas buaibheach clóis faoi chuimsiú chóid AC 0102 21, 0102 31 00, 0102 90 20, ex 0102 29 10 go ex 0102 29 99, 0102 39 10, 0102 90 91.

CUID VI

Sainmhínte a bhaineann le hearnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne

Chun críocha chur chun feidhme an chuóta taraife le haghaidh ime ón Nua-Shéalainn, ní eisiatar leis an ráiteas 'monaraithe go díreach ó bhainne nó ó uachtar' im a monaraíodh ó bhainne nó ó uachtar, gan ábhair stóráilte a úsáid, i bpróiseas aonair, neamhspleách agus gan bhriseadh, ina bhféadfadh an t-uachtar dul trí chéim saille bainne thiubhaithe agus/nó codánúchán na saille bainne sin.

CUID VII

Sainmhínte a bhaineann le hearnáil na n-uibheacha

- 1. Ciallaíonn 'uibheacha sna blaoscanna' uibheacha éanlaithe clóis sna blaoscanna, úra, leasaithe nó cócárlite, seachas uibheacha goir a shonraítear i bpointe 2.
- 2. Ciallaíonn 'uibheacha goir' uibheacha goir éanlaithe clóis
- 3. Ciallaíonn 'táirgí iomlána' uibheacha éan nach bhfuil sna blaoscanna, cibé acu atá siúcra breise nó ábhar mílsiúcháin eile curtha leo nó nach bhfuil agus atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine.
- 4. Ciallaíonn 'táirgí scartha' buíocáin uibheacha éan cibé acu atá siúcra breise nó ábhar mílsiúcháin eile curtha leo nó nach bhfuil agus atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine.

CUID VIII

Sainmhínte a bhaineann le hearnáil na feola éanlaithe clóis

1. Ciallaíonn 'éanlaith chlóis bheo' éanlaithe, lachain, géanna, turcaithe agus guinithe beo a bhfuil meáchan níos mó ná 185 gram ag gach ceann díobh.
2. Ciallaíonn 'sicíní' éanlaithe, lachain, géanna, turcaithe agus guinithe beo a bhfuil meáchan nach mó ná 185 gram ag gach ceann díobh.
3. Ciallaíonn 'éanlaith chlóis mharaithe' éanlaithe maraithe den speiceas gallus domesticus, agus lachain, géanna, turcaithe agus guinithe maraithe, iomlána, le scairteach nó gan é.
4. Ciallaíonn 'táirgí díorthaithe' an méid seo a leanas:
 - (a) táirgí a shonraítear i bpointe (a) de Chuid XX d'Iarscríbhinn I;
 - (b) táirgí a shonraítear i bpointe (b) de Chuid XX d'Iarscríbhinn I, seachas éanlaith chlóis mharaithe agus scairteach inite, ar a dtugtar 'gearrthacha éanlaithe clóis';
 - (c) scairteach inite a shonraítear i bpointe (b) de Chuid XX d'Iarscríbhinn I;
 - (d) táirgí a shonraítear i bpointe (c) de Chuid XX d'Iarscríbhinn I;
 - (e) táirgí a shonraítear i bpointe (d) agus (e) de Chuid XX d'Iarscríbhinn I;
 - (f) táirgí dá dtagraítear i bpointe (f) de Chuid XX d'Iarscríbhinn I, seachas na táirgí a thagann faoi chóid AC 1602 20 10.

CUID IX

Sainmhínte a bhaineann le hearnáil na beachadóireachta

1. Le mil tuigfear gur mil atá i gceist mar a thagraítear dó i dTreoir 2001/110/CE ón gComhairle ⁽¹⁾ lena n-áirítear maidir leis na príomhchineálacha meala.
2. Ciallaíonn 'táirgí beachadóireachta' mil, céir bheach, glóthach ríoga, gliú beach nó pailin.

⁽¹⁾ Treoir 2001/110/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2001 maidir le mil (IO L 10, 12.1.2002, lch. 47).

IARSCRÍBHINN III

CÁILÍOCHT CHAIGHDEÁNACH RÍSE AGUS SIÚCRA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 7 AGUS IN AIRTEAGAL 135

A. Cáilíocht chaighdeánach i gcomhair ríse gan scillgeadh

Beidh na tréithe seo a leanas ag rís gan scillgeadh de cháilíocht chaighdeánach:

- (a) beidh sé de cháilíocht mhaith agus chóir atá oiriúnach le díol, gan bholadh;
- (b) beidh cion taisligh 13 % ar a mhéad inti;
- (c) beidh toradh 63 % de rís lánmheilte de réir meáchain i ngráinní iomlána (glacfar le 3 % de ghráinní lomtha) aici le céatadán de réir meáchain de ghráinní ríse lánmheilte nach bhfuil de chaighdeán gan cháim:

gráinní cailceacha de rís gan scillgeadh faoi chóid AC 1006 10 27 agus 1006 10 98	1,5 %
gráinní cailceacha de rís gan scillgeadh faoi chóid AC seachas AC 1006 10 27 agus 1006 10 98:	2,0 %
gráinní a bhfuil stríoca dearga orthu	1,0 %
gráinní ballacha	0,50 %
gráinní ruaimnithe	0,25 %
gráinní buí	0,02 %
gráinní ómracha	0,05 %

B. Cáilíochtaí caighdeánacha i gcomhair siúcra

I. Cáilíocht chaighdeánach i gcomhair biatais siúcra

Bainfidh an méid seo a leanas le biatas de cháilíocht chaighdeánach:

- (a) beidh sé de cháilíocht mhaith agus chóir atá oiriúnach le díol;
- (b) beidh cion siúcra 16 % ann ag an bpointe glactha.

II. Cáilíocht chaighdeánach i gcomhair siúcra bháin

1. Bainfidh na tréithe seo a leanas le siúcra bán de cháilíocht chaighdeánach:

- (a) beidh sé de cháilíocht mhaith, dhílis agus inmhargaidh; tirim, i gcristail ghráinneacha aonchineálacha, i saorshreabhadh;
- (b) polarú íosta: 99.7;
- (c) cion taisligh uasta: 0.06 %;
- (d) cion siúcra inbhéartaithe uasta: 0.04 %;
- (e) ní bheidh líon na bpointí arna socrú faoi phointe 2 níos mó ná 22 ina iomláine, ná:
 - 15 don chion luatha,
 - 9 don chineál datha, a shocraítear ag baint úsáide as modh Institiúid Teicneolaíochta Talmhaíochta Brunswick ('modh Brunswick'),
 - 6 do dhath an tuaslagáin, a shocraítear ag baint úsáide as modh an Choimisiúin Idirnáisiúnta le haghaidh Modhanna Aonfhoirmeacha um Anailísiú Siúcra ('modh an ICUMS').

2. Comhfhreagróidh pointe amháin do:

- (a) 0.0018 % de chion luatha arna shocrú ag baint úsáide as modh an ICUMSA ag 28° Brix,
- (b) 0.5 aonad de chineál datha a shocraítear ag baint úsáide as modh Brunswick,
- (c) 7.5 aonad dathúcháin an tuaslagáin a shocraítear ag baint úsáide as modh an ICUMSA.

3. Is ionann na modhanna a úsáidtear chun na fachtóirí dá dtagraítear i bpointe 1 a chinneadh agus na cinn a úsáidtear chun na fachtóirí sin faoi na bearta idirghabhála a chinneadh.

III. *Cáilíocht chaighdeánach i gcomhair siúcra amh*

1. Ba cheart go mbeadh táirgeacht siúcra bháin de 92 % ag siúcra amh den cháilíocht chaighdeánach.

2. Déanfar toradh an tsiúcra bhiaitais amh a ríomh tríd an méid seo a leanas a dhealú ó chéim pholaraithe an tsiúcra sin:

- (a) céatadán an chion luatha méadaithe faoi cheathair;
- (b) céatadán an chion siúcra inbhéartaithe atá ann méadaithe faoi dhó;
- (c) an uimhir 1.

3. Déanfar toradh an tsiúcra cháina amh a ríomh trí 100 a dhealú ó chéim pholaraithe an tsiúcra sin méadaithe faoi dhó.

—

IARSCRÍBHINN IV

SCÁLAÍ AN AONTAIS UM AICMIÚ CONABLACH DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 10

A. Scála an Aontais um aicmiú conablach bó-ainmhíthe atá 8 mí d'aois nó níos sine

I. Sainmhíthe

Beidh feidhm ag na sainmhíthe seo a leanas:

1. ciallaíonn 'conablach': corp iomlán ainmhí mharaithe mar a chuirtear i láthair é i ndiaidh a fhuilithe, a dhí-innithe agus a sheithithe;
2. ciallaíonn 'leathchonablach': an táirge a fhaightear tríd an gconablach a scaradh go siméadrach trí lár gach veirteabra muineálaí, droma, lumbaí agus sacraí agus trí lár an steirnim agus na simfíse isceapúbasaí.

II. Catagóirí

Roinnfear na bó-chonablaigh sna catagóirí seo a leanas:

Z: conablaigh ainmhíthe atá 8 mí d'aois nó níos mó ach níos óige ná 12 mhí;

A: conablaigh ainmhíthe fireanna neamhchoillte atá 12 mhí d'aois nó níos mó ach níos óige ná 24 mhí;

B: conablaigh ainmhíthe fireanna neamhchoillte atá 24 mhí d'aois nó níos mó;

C: conablaigh ainmhíthe fireanna coillte atá 12 mhí d'aois nó níos mó;

D: conablaigh ainmhíthe baineanna a raibh gamhain acu;

E: conablaigh ainmhíthe baineanna eile atá 12 mhí d'aois nó níos mó.

III. Aicmiú rúndachta

Déanfar na conablaigh a aicmiú trí mheasúnú comhleantach a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

1. Cruth, atá sainmhíthe mar seo a leanas:

Forbairt próifílí conablach, go háirithe na codanna bunriachtanacha (cruinn, droim, gualainn)

Aicme crutha	Tuairisc
S Uachtarach	Gach próifíl fiordhronnach; matáin shárfhorbartha (cineál conablaigh de mhatáin dhúbailte)
E Sármhaith	Gach próifíl idir dhronnach agus shárdhronnach; forbairt matán shármhaith
U An-mhaith	Próifílí atá dronnach ar an iomlán, forbairt matán an-mhaith
R Go maith	Próifílí atá díreach ar an iomlán, forbairt matán mhaith
O Réasúnta	Próifílí idir díreach agus cuasach; forbairt matán mheánach
P Lag	Gach próifíl idir cuasach agus an-chuasach; forbairt matán lag

2. Clúdach saille, atá sainmhíthe mar seo a leanas:

— An méid saille ar an taobh amuigh den chonablach agus i gcuas an chliabhraigh

Aicme an chládaigh shaille	Tuairisc
1 íseal	Gan aon chlúdach saille suas le clúdach saille íseal
2 éadrom	Clúdach saille éadrom, feoil le feiceáil i mbeagnach gach áit
3 meán	An fheoil i mbeagnach gach áit clúdaithe le saill ach amháin ar an gcruinn agus ar an ngualainn, deascáin bheaga saille i gcuas an chliabhraigh
4 ard	An fheoil clúdaithe le saill, ach páirt di fós infheicthe ar an gcruinn agus ar an ngualainn, roinnt deascán suntasach saille i gcuas an chliabhraigh
5 an-ard	An conablach ar fad clúdaithe le saill; deascáin mhóra i gcuas an chliabhraigh

Déantar na Ballstáit a údarú gach ceann de na haicmí dá bhforáiltear i bpointe 1 agus 2 a fhoroinnt i dtír fho-aicme ar a mhéid.

IV. Cur i láthair

Cuirfear conablaigh agus leathchonablaigh i láthair:

- (a) gan an ceann ná na cosa; déanfar an ceann a bhaint den chonablach ag an alt atloido-ocsapatach agus gearrfar na cosa ag na hailt 'carpametacarpal' nó 'tarsometatarsal',
- (b) gan na horgáin atá i gcuas an chliabhraigh agus i gcuas an bhoilg, gan na duáin, saill na nduáin agus saill an pheilbhís nó leo,
- (c) gan na baill ghiniúna agus na matáin atá ceangailte leo agus gan an t-úth nó an tsail mhamach.

V. Aicmiú agus aithint

Ní mór do sheamlais atá faofa faoi Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ bearta a ghlacadh lena áirithiú go ndéanfar gach conablach agus leathchonablach ó bhó-ainmhíthe fásta a mharaítear sna seamlais sin a bhfuil marc sláinte orthu, dá bhforáiltear in Airteagal 5(2) i gcomhréir le Caibidil III de Roinn i d'Íarscríbhinn i a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ a aicmiú agus a aithint de réir scála an Aontais.

Sula n-aithnítear iad trí mharcáil, féadfaidh Ballstáit údarú a dheonú chun an tsail sheachtrach a bhaint ó na conablaigh nó na leathchonablaigh má sheasann an clúdach saille leis sin.

B. Scála an Aontais um aicmiú conablach muc

I. Sainmhíniú

Ciallaíonn 'conablach' corp muice maraithé, fuilithe agus dí-innithe, iomlán nó roinnte ag an meánlíne.

II. Aicmiú rúndachta

Déanfar conablaigh a roinnt in aicmí de réir a gcion feola trua measta agus déanfar iad a aicmiú dá réir sin:

Aicmí	Foail thrua mar chéatadán de mheáchan an chonablaigh
S	60 nó níos mó
E	55 nó níos mó ach níos lú ná 60
U	50 nó níos mó ach níos lú ná 55

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 ag leagan síos rialacha sonracha sláinteachais do bhia de thionscnamh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an.29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla a eagrú i dtaca le táirgí de thionscnamh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine (IO L 139, 30.4.2004, lch. 206).

Aicmí	Feoil thrua mar chéatadán de mheáchan an chonblaigh
R	45 nó níos mó ach níos lú ná 50
O	40 nó níos mó ach níos lú ná 45
P	níos lú ná 40

III. Cur i láthair

Cuirfear conblaigh i láthair gan teanga, guairí, crúba, orgáin ghinitiúla, saill bladhaire, duáin ná scairt.

IV. An cion feola trua

- Déanfar an cion feola trua a mheasúnú trí mhodhanna grádaithe a údaróidh an Coimisiún trí bhithín ghníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 18(8). Ní fhéadfar ach modhanna atá cruthaithe de réir staidrimh bunaithe ar thomhas fisiceach cuid anatamaíoch amháin nó níos mó den chonabhlach muice a údarú. Beidh údarú na modhanna grádaithe faoi réir chomhlíonadh uaslámháiltais le haghaidh earráide staidrimh le linn measúnaithe.
- Ní dhéanfar luach tráchtála na gconabhlach a shocrú de réir an chion feola trua measta atá iontu amháin, áfach.

V. Conblaigh a aithint

Mura bhforáilann an Coimisiún dá mhalairt trí bhithín ghníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 18(8), déanfar conblaigh aicmithe a aithint trí iad a mharcáil de réir scála an Aontais.

C. Scála an Aontais um aicmiú conabhlach muc

I. Sainmhíniú

Beidh feidhm ag na sainmhínithe ar 'conabhlach' agus 'leathchonabhlach' beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar síos i bpointe A.I.

II. Catagóirí

Roinnfear na conblaigh sna catagóirí seo a leanas:

A: conblaigh caorach níos óige ná 12 mhí d'aois,

B: conblaigh caorach eile.

III. Aicmiú rúndachta

Déanfar na conblaigh a aicmiú trí na forálacha i bpointe A.III. a chur i bhfeidhm mutatis mutandis. Cuirfear an téarma "ceathrú deiridh" isteach in ionad an téarma "cruinn" i bpointe A.III.1 agus i sraitheanna 3 agus 4 den tábla faoi phointe A.III.2 áfach.

IV. Cur i láthair

Cuirfear conblaigh agus leathchonblaigh i láthair gan an ceann (gearrtha ag an alt atlasocsapatach), ná na cosa (gearrtha ag na hailt charpaimeiteacarpacha nó tharsameiteatarsacha), an t-éireaball (gearrtha idir an séú agus an seachtú veirteabra éireaballach), an t-úth, na baill ghiniúna, an t-ae ná an sracadh. Cuimsítear na duáin agus saill na nduáin sa chonabhlach.

Tugtar údarú do Bhallstáit cuir i láthair dhifriúla a cheadú i gcás nach n-úsáidtear an cur i láthair tagartha.

V. Conblaigh a aithint

Déanfar conblaigh agus leathchonblaigh aicmithe a aithint trí iad a mharcáil de réir scála an Aontais.

*IARSCRÍBHINN V***LIOSTA NA dTÁIRGÍ A EISIATAR Ó SCÉIM TORTHAÍ SCOILE A CHÓMHAOINÍTEAR LEIS AN gCABHAIR
ÓN AONTAS DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 23(3)**

Táirgí ina bhfuil aon cheann de na nithe seo a leanas:

- siúcra breise,
 - saill bhreise,
 - salann breise,
 - milseoirí breise.
-

IARSCRÍBHINN VI

SRIANTA BUISÉID i gCOMHAIR CLÁR TACAÍOCHTA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRGEAGAL 44(1)

in EUR 1 000 in aghaidh na bliana buiséid

	2014	2015	2016	2017 ar aghaidh
An Bhulgáir	26 762	26 762	26 762	26 762
Poblacht na Seice	5 155	5 155	5 155	5 155
An Ghearmáin	38 895	38 895	38 895	38 895
An Ghréig	23 963	23 963	23 963	23 963
An Spáinn	353 081	210 332	210 332	210 332
An Fhrainc	280 545	280 545	280 545	280 545
An Chróit	11 885	11 885	11 885	10 832
An Iodáil	336 997	336 997	336 997	336 997
An Chipir	4 646	4 646	4 646	4 646
An Liotuáin	45	45	45	45
Lucsamburg	588	—	—	—
An Ungáir	29 103	29 103	29 103	29 103
Málta	402	—	—	—
An Ostair	13 688	13 688	13 688	13 688
An Phortaingéil	65 208	65 208	65 208	65 208
An Rómáin	47 700	47 700	47 700	47 700
An tSlóivéin	5 045	5 045	5 045	5 045
An tSlóvaic	5 085	5 085	5 085	5 085
An Ríocht Aontaithe	120	—	—	—

IARSCRÍBHINN VII

SAINMHÍNITHE, SONRÚCHÁIN AGUS TUAIRISCÍ DÍOLACHÁIN TÁIRGÍ DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 78

Chun críocha na hIarscríbhíne seo, ciallaíonn "tuairisc díolacháin" an t-ainm faoina ndíoltar bia-ábhar, de réir bhrí Airteagal 5(1) de Threoir 2000/13/CE, nó ainm an bhia, laistigh de bhrí Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh 1169/2011.

CUID I.

Feoil bó-ainmhithe atá níos óige ná 12 mí d'aois

I. Sainmhíniú

Chun críocha na Coda seo, ciallaíonn "feoil" gach conablach, feoil ar an gcnámh nó feoil dhíchánmhaithe, agus scairteach, gearrtha nó gan a bheith, a ceapadh lena chaitheamh ag an duine, faighte ó bhó-ainmhithe atá faoi bhun 12 mhí d'aois, atá úr, reoite nó domhainreoite, cibé acu atá sé clúdaithe nó pacáilte nó nach bhfuil.

II. Bó-ainmhithe atá níos óige ná 12 mí d'aois a aicmiú ag an seamlas

Ar iad a mharú, déanfaidh na hoibreoírí aicmiú ar gach bó-ainmhí atá faoi bhun 12 mhí d'aois, faoi mhaoirsiú an údaráis inniúil, i gceann den dá chatagóir seo a leanas:

(A) Catagóir V: bó-ainmhithe atá níos óige ná 8 mí d'aois

Litir aitheantais na catagóire: V;

(B) Catagóir Z: bó-ainmhithe atá 8 mí d'aois nó níos sine ach níos óige ná 12 mhí

Litir aitheantais na catagóire: Z.

Cuirfear an t-aicmiú sin i gcrích ar bhonn na faisnéise atá sa phas a bheidh in éineacht leis na bó-ainmhithe, nó ina éagmais sin, ar bhonn na mionsonraí atá sa bhunachar sonraí ríomhairithe dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.

III. Tuairiscí díolacháin

1. Ní dhéanfar margaíocht ar fheoil bó-ainmhithe atá níos óige ná 12 mhí d'aois sna Ballstáit ach amháin faoi na tuairiscí díolacháin seo a leanas a leagtar síos do gach Ballstát:

(A) Maidir le feoil bó-ainmhithe atá níos óige ná 8 mí d'aois (Litir aitheantais na catagóire: V):

Tír mhargaíochta	Tuairiscí díolacháin le húsáid
An Bheilg	veau, viande de veau/kalfsvlees/Kalbfleisch
An Bhulgáir	месо от малки телета
Poblacht na Seice	Telecí
An Danmhairg	Lyst kalvekød
An Ghearmáin	Kalbfleisch
An Eastóin	Vasikaliha
Éire	laofheoil, veal
An Ghréig	μοσχάρι γάλακτος
An Spáinn	Ternera blanca, carne de ternera blanca
An Fhrainc	veau, viande de veau
An Chróit	teletina
An Iodáil	vitello, carne di vitello

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Iúil 2000 lena mbunaítear córas chun bó-ainmhithe a shainaithint agus a chlárú agus maidir le mairteoil agus táirgí mairteola a lipéadú (IO L 204, 11.8.2000, lch. 1).

An Chipir	μοσχάρι γάλακτος
An Laitvia	Teļa gaļa
An Liotuáin	Veršiena
Lucsamburg	veau, viande de veau/Kalbfleisch
An Ungáir	Borjúhús
Málta	Vitella
An Ísiltír	Kalfsvlees
An Ostair	Kalbfleisch
An Pholainn	Cielęcina
An Phortaingéil	Vitela
An Rómáin	carne de vițel
An tSlóivéin	Teletina
An tSlóvaic	Teľacie mäso
An Fhionlainn	vaalea vasikanliha/ljust kalvkött
An tSualainn	ljust kalvkött
An Ríocht Aontaithe	Veal

(B) Maidir le feoil bó-ainmhithe atá 8 mí d'aois nó níos sine ach níos óige ná 12 mhí (Litir aitheantais na catagóire: Z):

Tír mhargaíochta	Tuairiscí díolacháin le húsáid
An Bheilg	jeune bovin, viande de jeune bovin/jongrundvlees/Jungrindfleisch
An Bhulgáir	Телешко месо
Poblacht na Seice	hovězí maso z mladého skotu
An Danmhairg	Kalvekød
An Ghearmáin	Jungrindfleisch
An Eastóin	noorloomaliha
Éire	laofheoil rosé, rosé veal
An Ghréig	vealó μοσχάρι
An Spáinn	Ternera, carne de ternera
An Fhrainc	jeune bovin, viande de jeune bovin
An Chróit	mlada junetina
An Iodáil	vitellone, carne di vitellone
An Chipir	vealó μοσχάρι
An Laitvia	jaunlopa gaļa
An Liotuáin	Jautiena
Lucsamburg	jeune bovin, viande de jeune bovin/Jungrindfleisch
An Ungáir	Növendék marha húsa
Málta	Vitellun
An Ísiltír	rosé kalfsvlees
An Ostair	Jungrindfleisch
An Pholainn	młoda wołowina
An Phortaingéil	Vitelão

An Rómáin	carne de tineret bovin
An tSlóivéin	meso težjih telet
An tSlóvaic	mäso z mladého dobytka
An Fhionlainn	vasikanliha/kalvkött
An tSualainn	Kalvkött
An Ríocht Aontaithe	Beef

- Is féidir cur leis na tuairiscí díolacháin dá dtagraítear i mír 1 trí ainm nó trí shonrúchán na bpíosaí feola nó scairteach atá i gceist a léiriú.
- Ní bhainfear úsáid as na tuairiscí díolacháin atá liostaithe do chatagóir V i mír A den tábla a leagtar síos i bpointe 1 ná as aon ainm nua díorthaithe ó na tuairiscí díolacháin sin ach amháin má chomhlíontar ceanglais na hlarscríbhíne seo.

Go háirithe, ní bhainfear úsáid as na téarmaí "veau", "telecí", "Kalb", "μοσχόπι", "ternera", "kalv", "veal", "vitello", "vitella", "kalf", "vitela" ná "teletina" i dtuairisc díolacháin ná ní chuirfear in iúl iad ar lipéid feola bó-ainmhithe atá níos sine ná 12 mhí.

- Ní bheidh feidhm ag na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 i gcás feola bó-ainmhithe ar cláraíodh sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tasc geografach faoi chosaint ina leith i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 510/2006 ón gComhairle ⁽¹⁾, roimh an 29 Meitheamh 2007.

IV. Sonra éigeantach ar an lipéad

- Gan dochar do Threoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Márta 2000 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hearraí bia a lipéadú, a thíolacadh agus a fhógairt agus Airteagal 13, 14 agus 15 de Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000, ag gach céim den táirgeadh agus den mhargaíocht, cuirfidh oibreoirí lipéid ar fheoil bó-ainmhithe atá níos óige ná 12 mhí d'aois ar a mbeidh an fhaisnéis seo a leanas:

(a) an tuairisc díolacháin i gcomhréir le pointe III den chuid seo den larscríbhinn;

(b) aois na n-ainmhithe ar mharú, á léiriú, de réir an cháis, ar an bhfoirm:

— "aois ar mharú: níos lú ná 8 mí";

— "aois ar mharú: ó 8 go níos lú ná 12 mhí".

De mhaolú ar phointe (b) den chéad fhomhír, féadfaidh oibreoirí an sonra maidir leis an gcatagóir a chur in ionad an tsonra maidir leis an aois ar mharú, faoi seach: "catagóir V" nó "catagóir Z", ag céimeanna roimh scaoileadh an tomhaltóra dheiridh.

- I gcás feola bó-ainmhithe atá níos óige ná 12 mhí d'aois a thugtar isteach lena díol gan a bheith réamhphacáistithe ag an bpointe miondíola leis an tomhaltóir deiridh, déanfaidh na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir leis an mbealach a léireofar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1.

V. Taifead

Ag gach céim den táirgeadh agus den mhargaíocht déanfaidh oibreoirí an fhaisnéis a leanas a thaifeadadh:

(a) uimhir aitheantais agus dáta breithe na n-ainmhithe, ar leibhéal an tseamlais amháin;

(b) uimhir thagartha lena bhféadfar nasc a bhunú idir, ar lámh amháin, aitheantas na n-ainmhithe óna dtionscnaíonn an fheoil agus, ar an lámh eile, an tuairisc díolacháin, an aois ar mharú agus litir aitheantais na catagóire a thugtar ar lipéad na feola;

(c) an dáta a dtagann na hainmhithe agus an fheoil san fhoras agus an dáta a n-ímiú siad.

VI. Seiceálacha oifigiúla

- Ainmneoidh na Ballstáit an t-údarás inniúil nó na húdaráis inniúla a bhfuil freagracht orthu maidir le seiceálacha oifigiúla a dhéantar chun cur i bhfeidhm na Coda seo a fhíorú agus chun an Coimisiún a chur ar an eolas ina leith.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 510/2006 ón gComhairle an 20 Márta 2006 maidir le sonraí geografacha agus tuairiscí tionscnaimh do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-ábhair a chosaint (IO L 93, 31.3.2006, lch. 12).

2. Déanfaidh an t-údarás inniúil nó na húdaráis inniúla seiceálacha oifigiúla i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, agus comhlíonadh rialacha um shláinte ainmhithe agus rialacha um leas ainmhithe a fhíorú ⁽²⁾.
3. Déanfaidh saineolaithe an Choimisiúin, i gcás inar gá, go comhphárteach leis na húdaráis inniúla lena mbaineann, agus nuair is infheidhme, le saineolaithe na mBallstát, seiceálacha ar an láthair lena áirithiú go gcuirfead forálacha na hIarscríbhíne seo chun feidhme.
4. Déanfaidh aon Bhallstát a ndéanfar seiceálacha ar a chríoch gach cúnaimh is gá a chur ar fáil don Choimisiún a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil dó chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh.
5. I gcás feola a allmhairítear ó thríú tíortha, áiritheoidh údarás inniúil a ainmneoidh tríú tír, nó más infheidhme, comhlacht tríú páirtí neamhspleách go gcomhlíonfar ceanglais na Coda seo. Tabharfaidh an comhlacht neamhspleách dearbhú iomlán comhlíonta leis na coinníollacha a leagtar síos i gCaighdeán Eorpach EN 45011 nó ISO/IEC Treoir 65.

CUID II

Catagóirí na dtáirgí finiúna

(1) Fíon

Ciallaíonn "fíon" an táirge a fhaightear go heisiach ó choipeadh alcólach iomlán nó páirteach fíonchaor úr, cibé acu atá siad brúite nó nach bhfuil, nó d'úrfhíon fíonchaor.

Beidh an méid seo a leanas fíor maidir le fíon:

- (a) beidh neart alcóil iarbhír nach lú ná 8,5 % de réir toirte aige, cibé acu a cuireadh na próisis a shonraítear i Roinn B de Chuid i d'Iarscríbhinn VIII i bhfeidhm nó nár cuireadh, ar choinníoll go dtagann an fíon go heisiach ó fhíonchaora a bhaintear i gcriosanna fionsaothrúcháin A agus B dá dtagraítear san Fhoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, agus neart alcóil iarbhír nach lú ná 9 % de réir toirte i gcriosanna fionsaothrúcháin eile;
- (b) beidh neart alcóil iarbhír nach lú ná 4,5 % de réir toirte aige, de mhaolú ar an íosneart alcóil iarbhír is infheidhme i ngach cás eile, i gcás ina bhfuil ainmniú tionscnaimh faoi chosaint nó tásca geografach faoi chosaint aige, cibé acu a cuireadh na próisis a shonraítear i Roinn B de Chuid i d'Iarscríbhinn VIII i bhfeidhm nó nár cuireadh;
- (c) beidh neart alcóil iomlán nach mó ná 15 % de réir toirte ann. De mhaolú ar an méid sin, áfach:
 - féadfaidh an uasteorainn do neart iomlán an alcóil a bheith chomh hard le 20 % de réir toirte i gcás fíonta a táirgeadh gan aon saibhríú ó limistéir fionsaothrúcháin áirithe den Aontas, a bheidh le cinneadh ag an gCoimisiún trí bhithin gníomhartha tarmilgthe de bhun Airteagal 75(2),
 - féadfaidh an uasteorainn do neart iomlán an alcóil dul thar 15 % de réir toirte i gcás fíonta a bhfuil ainmniú tionscnaimh faoi chosaint acu agus a táirgeadh gan saibhríú;
- (d) faoi réir maoluithe a fhéadfaidh an Coimisiún a ghlacadh trí bhithin gníomhartha tarmilgthe de bhun Airteagal 75(2), beidh cion aigéadachta iomlán aige, a shloinntear mar aigéad tartarach, nach lú ná 3,5 gram in aghaidh an lítir nó 46,6 milleachobhéis in aghaidh an lítir.

Ciallaíonn "retsina" fíon a tháirgtear i gcríoch gheografach na Gréige amháin ag úsáid úrfhíona fíonchaor atá cóireáilte le roisín ón bpéine Aleppo. Ceadáitear úsáid roisín an phéine Aleppo chun fíon "Retsina" a fháil agus chuige sin amháin, faoi na coinníollacha a leagtar síos san fhoráil is infheidhme maidir leis an nGréig.

De mhaolú ar phointe (b) den dara fomhír, meastar gur fíon iad "Tokaji eszencia" agus "Tokajská esencia".

Mar sin féin, d'ainneoin Airteagal 60(2), féadfaidh na Ballstáit úsáid an téarma "fíon" a cheadú sna cásanna a leanas:

- (a) má thugtar ainm toraidh i bhfoirm comhainm ar tháirgí ar an margadh a fuarthas trí choipeadh toraidh eile seachas fíonchaora; nó
- (b) más cuid de chomhainm é.

Seachnófar aon mhearbhall maidir le táirgí a fhreagraíonn do na catagóirí fíona san Iarscríbhinn seo.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh chun comhlíonadh rialacha dlí um beatha agus bia (IO L 165, 30.4.2004, lch 1).

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le feidhmiú rialuithe oifigiúla chun fíorú chomhlíonadh an dlí beatha agus bia, rialacha sláinte ainmhithe agus leasa ainmhithe a áirithiú (IO L 165, 30.4.2004, lch. 1).

(2) Fíon nua atá fós faoi choipeadh

Ciallaíonn "fíon nua atá fós faoi choipeadh" an táirge nach bhfuil an coipeadh alcólach críochnaithe fós ann agus nach bhfuil scartha óna mhoirt fós.

(3) Fíon licéir

Ciallaíonn "fíon licéir" an táirge:

- (a) ag a bhfuil neart alcóil iarbhír nach lú ná 15 % de réir toirte agus nach mó ná 22 % de réir toirte;
- (b) ag a bhfuil neart alcóil iomlán nach lú ná 17,5 % de réir toirte, ach amháin fíonta licéir áirithe le hainmniú tionscnaimh nó le tásca geografach ó liosta atá le tarraingt suas ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmilgthe de bhun Airteagal 75(2);
- (c) a fhaightear ó cheann díobh seo a leanas:
- úrfhíon fíonchaor atá faoi choipeadh,
 - fíon,
 - teaghlaim de na táirgí thuas, nó
 - úrfhíon fíonchaor nó meascán de le fíon i gcás fíonta licéir áirithe a bhfuil ainmniú tionscnaimh faoi chosaint nó tásca geografach faoi chosaint acu, atá le cinneadh ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmilgthe de bhun Airteagal 75(2);
- (d) ag a bhfuil neart nádúrtha alcóil tosaigh nach lú ná 12 % de réir toirte ach amháin fíonta licéir áirithe le hainmniú tionscnaimh faoi chosaint nó le tásca geografach faoi chosaint ó liosta atá le tarraingt suas ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmilgthe de bhun Airteagal 75(2);
- (e) a bhfuil an méid seo a leanas curtha leis:
- (i) ina n-aonar nó i dteaghlaim:
- alcól neodrach de bhunús fíniúna, lena n-áirítear alcól arna tháirgeadh ó dhriogadh fíonchaor triomaithe, ag a bhfuil neart alcóil iarbhír nach lú ná 96 % de réir toirte,
 - fíon nó driogáit fíonchaor triomaithe, ag a bhfuil neart alcóil iarbhír nach lú ná 52 % de réir toirte agus nach mó ná 86 % de réir toirte;
- (ii) in éineacht le ceann amháin nó níos mó de na táirgí seo a leanas, nuair is iomchuí:
- úrfhíon fíonchaor tiubhaithe,
 - teaghlaim de cheann de na táirgí dá dtagraítear i bpointe (e)(i) le húrghíon fíonchaor dá dtagraítear sa chéad fhleasc agus sa cheathrú fleasc de phointe (c);
- (f) lena bhfuil, de mhaolú ar phointe (e), ceann acu seo a leanas curtha fad is a bhaineann le fíonta licéir áirithe le hainmniú tionscnaimh faoi chosaint nó tásca geografach faoi chosaint ó liosta atá le tarraingt suas ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmilgthe de bhun Airteagal 75(1):
- (i) ceachtar de na táirgí a liostaítear i bpointe (e)(i) ina aonar nó i dteaghlaim; nó
- (ii) ceann amháin nó níos mó de na táirgí seo a leanas:
- alcól fíona nó alcól fíonchaor triomaithe ag a bhfuil neart alcóil iarbhír nach lú ná 95 % de réir toirte agus nach mó ná 96 % de réir toirte,
 - biotáillí driogtha ó fhíon nó ó mharc fíonchaor, ag a bhfuil neart alcóil iarbhír nach lú ná 52 % de réir toirte agus nach mó ná 86 % de réir toirte,
 - biotáillí driogtha ó fhíonchaora triomaithe ag a bhfuil neart alcóil iarbhír nach lú ná 52 % de réir toirte ach níos lú ná 94,5 % de réir toirte; agus

(iii) ceann amháin nó níos mó de na táirgí seo a leanas, nuair is iomchuí:

- úrfhíon fíonchaor leathchoipthe, a fhaightear ó fhíonchaora rísínithe,
- úrfhíon fíonchaor tiubhaithe a fhaightear trí theas díreach, a chomhlíonann an sainmhíniú ar úrfhíon fíonchaor tiubhaithe, ach amháin i gcás na hoibríochta sin,
- úrfhíon fíonchaor tiubhaithe,
- teaghlaim de cheann de na táirgí atá liostaithe i bpointe (f)(ii) le húrfhíon fíonchaor dá dtagraítear sa chéad fhleasc agus sa cheathrú fleasc de phointe (c).

(4) Fíon súilíneach

Ciallaíonn "fíon súilíneach" an táirge:

(a) a fhaightear ón gcéad nó ón dara coipeadh alcólach:

- ó fhíonchaora úra,
- ó úrfhíon fíonchaor, nó,
- ó fhíon;

(b) a scaoileann dé-ocsaíd charbóin díorthaithe go heisiach ó choipeadh, nuair a osclaítear an coimeádán;

(c) ag a bhfuil brú barrachais, mar thoradh ar dhé-ocsaíd charbóin a bheith ar thuaslagadh ann, nach lú ná 3 bar nuair a choinnítear ag teocht 20 °C i gcoimeádáin dhúnta é; agus

(d) nach mbeidh neart alcóil iomlán na cuvée atá beartaithe dá ullmhú níos lú ná 8,5 % de réir toirte.

(5) Ciallaíonn fíon súilíneach ar ardchaighdeán

Is éard a bheidh i "bhfíon súilíneach ar ardchaighdeán" ná an táirge:

(a) a fhaightear ón gcéad nó ón dara coipeadh alcólach:

- ó fhíonchaora úra,
- ó úrfhíon fíonchaor, nó
- ó fhíon;

(b) a scaoileann dé-ocsaíd charbóin díorthaithe go heisiach ó choipeadh, nuair a osclaítear an coimeádán;

(c) ag a bhfuil brú barrachais, mar thoradh ar dhé-ocsaíd charbóin a bheith ar thuaslagadh ann, nach lú ná 3,5 bar nuair a choinnítear ag teocht 20 °C i gcoimeádáin dhúnta é; agus

(d) nach mbeidh neart alcóil iomlán na cuvée atá beartaithe dá ullmhú níos lú ná 9 % de réir toirte.

(6) Fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán

Ciallaíonn "fíon súilíneach" aramatach ar ardchaighdeán an fíon súilíneach ar ardchaighdeán:

(a) nuair atá an cuvée á chomhdhéanamh, a fhaightear trí úsáid a bhaint as úrfhíon fíonchaor nó úrfhíon fíonchaor faoi choipeadh agus atá díorthaithe ó chineálacha sonracha fíonchaor fíona ar liosta atá le tarraingt suas ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmiligthe de bhun Airteagal 75(2).

Déanfaidh an Coimisiún fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán arna tháirgeadh go traidisiúnta trí úsáid a bhaint as fíon nuair atá an cuvée á chomhdhéanamh, a chinneadh trí bhíthin gníomhartha tarmiligthe de bhun Airteagal 75(2);

- (b) ag a bhfuil brú barrachais, mar thoradh ar dhé-ocsaíd charbóin a bheith ar thuaslagadh ann, nach lú ná 3 bhar nuair a choinnítear ag teocht 20 °C i gcoimeádáin dhúnta é;
- (c) nach féidir neart alcóil iarbhír níos lú ná 6 % de réir toirte a bheith aige; agus
- (d) nach féidir neart alcóil iomlán níos lú ná 10 % de réir toirte a bheith aige.
- (7) Fíon súilíneach aeraithe
- Ciallaíonn "fíon súilíneach" aeraithe an táirge:
- (a) a fhaightear ó fhíon gan ainmniú tionscnaimh faoi chosaint ná tasc geografach faoi chosaint;
- (b) a scaoileann, nuair a osclaítear an coimeádán, dé-ocsaíd charbóin díorthaithe go huile nó go páirteach ón ngás sin a bheith curtha leis an táirge; agus
- (c) ag a bhfuil brú barrachais, mar thoradh ar dhé-ocsaíd charbóin a bheith ar tuaslagadh ann, nach lú ná 3 bhar nuair a choinnítear ag teocht 20 °C i gcoimeádáin dhúnta é.
- (8) Fíon leathshúilíneach
- Ciallaíonn fíon leathshúilíneach an táirge:
- (a) a fhaightear ó fhíon, fíon nua atá fós faoi choipeadh, úrfhíon ó chaora fíniúna nó úrfhíon ó chaora fíniúna atá fós faoi choipeadh a mhéid go bhfuil neart iomlán alcóil 9 % ar a laghad ag na táirgí sin;
- (b) a bhfuil neart alcóil iarbhír nach lú ná 7 % de réir toirte ann;
- (c) ag a bhfuil brú barrachais, mar thoradh ar dhé-ocsaíd charbóin inginiúil a bheith ar tuaslagadh ann, nach lú ná 1 bhar agus nach mór ná 2,5 bhar nuair a choinnítear ag teocht 20 °C i gcoimeádáin dhúnta é; agus
- (d) a chuirtear i gcoimeádáin 60 lítear nó níos lú.
- (9) Fíon leathshúilíneach aeraithe
- Ciallaíonn "fíon leathshúilíneach" aeraithe an táirge:
- (a) a fhaightear ó fhíon, fíon nua atá fós faoi choipeadh, úrfhíon ó chaora fíniúna nó úrfhíon ó chaora fíniúna atá fós faoi choipeadh;
- (b) a bhfuil neart alcóil iarbhír nach lú ná 7 % de réir toirte agus neart alcóil iomlán nach lú ná 9 % de réir toirte ann;
- (c) ag a bhfuil brú barrachais nach lú ná 1 bhar agus nach mó ná 2,5 bhar nuair a choinnítear ag teocht 20 °C i gcoimeádáin dhúnta é mar thoradh ar dhé-ocsaíd charbóin a bheith ar tuaslagadh ann atá curtha leis go hiomlán nó go páirteach; agus
- (d) a chuirtear i gcoimeádáin 60 lítear nó níos lú.
- (10) Úrfhíon fíonchaor
- Ciallaíonn "úrfhíon fíonchaor" an táirge leachtach a fhaightear go nádúrtha nó trí phróisis fhisiceacha ó fhíonchaora úra. Tá neart alcóil iarbhír nach mó ná 1 % de réir toirte ceadaithe i gcás úrfhíona fíonchaor.
- (11) Úrfhíon fíonchaor leathchoipte
- Ciallaíonn "úrfhíon fíonchaor" faoi choipeadh an táirge a fhaightear ó choipeadh úrfhíona fíonchaor ag a bhfuil neart alcóil iarbhír atá níos mó ná 1 % de réir toirte ach níos lú ná trí chúigiú dá neart alcóil iomlán de réir toirte.
- (12) Úrfhíon fíonchaor leathchoipte úsctha ó fhíonchaora rísínithe
- Ciallaíonn "úrfhíon fíonchaor" faoi choipeadh úsctha ó fhíonchaora rísínithe an táirge a fhaightear ó choipeadh páirteach úrfhíona fíonchaor a fhaightear ó fhíonchaora rísínithe, ina bhfuil cion iomlán siúcra de 272 gram in aghaidh an lítir roimh choipeadh agus ag a bhfuil neart alcóil iarbhír agus nádúrtha nach lú ná 8 % de réir toirte. Maidir le fíonta áirithe, áfach, atá le cinneadh ag an gCoimisiún trí bhithin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 75(2), agus a chomhlíonann na ceanglais seo, ní mheasfar gur úrfhíon fíonchaor faoi choipeadh úsctha ó fhíonchaora rísínithe iad.

(13) Úrghíon fionchaor tiubhaithe

Ciallaíonn úrghíon fionchaor tiubhaithe úrghíon fionchaor neamhdhóite a fhaightear trí dhíhiodráitiú páirteach úrghíona fionchaor a dhéantar trí aon mhodh údaraithe, seachas teas díreach, ar bhealach a fhágann nach lú ná 50,9 % an figiúr a léirítear ar athraonmhéadar a úsáidtear i gcomhréir le modh atá le sannadh i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 80(5) agus pointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 91ag teocht de 20 °C.

Tá neart alcóil iarbhír den úrghíon fionchaor tiubhaithe nach mó ná 1 % de réir toirte ceadaithe.

(14) Úrghíon fionchaor tiubhaithe coigeartaithe

Ciallaíonn "úrghíon fionchaor tiubhaithe coigeartaithe":

(a) an táirge neamhdhóite leachtach:

(i) a fhaightear trí dhíhiodráitiú páirteach úrghíona fionchaor a dhéantar trí aon mhodh údaraithe, seachas teas díreach, ar bhealach a fhágann nach lú ná 61.7 % an figiúr a léirítear ar athraonmhéadar a úsáidtear i gcomhréir le modh atá le sannadh i gcomhréir le hAirteagal 80(5) agus agus pointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 68ag teocht de 20 °C;

(ii) atá curtha faoi chóireáil údaraithe chun comhábhair seachas siúcra a dhí-aigéadú agus a dhíothú;

(iii) ag a bhfuil na saintréithe seo a leanas:

— pH nach mó ná 5 ag 25 Brix,

— dlús optúil ag 425 nm do thiús 1 cm nach mó ná 0,100 in úrghíon fionchaor tiubhaithe ag 25 Brix,

— cion siúcraíocht nach bhfuil le brath trí mhodh anailíse atá le sainiú,

— innéacs Folin-Ciocalteu nach mó ná 6,00 ag 25 °Brix,

— aigéadacht intoirtmheasctha nach mó ná 15 mhilleachóibhéis in aghaidh an chileagram de shiúcraí iomlána,

— cion dé-ocsaíde sulfair nach mó ná 25 milleagram in aghaidh an chileagram de shiúcraí iomlána,

— cion iomlán caitian nach mó ná 8 milleachóibhéis in aghaidh an chileagram de shiúcraí iomlána,

— seoltacht ag 25 °Brix agus 20 °C nach mó ná 120 micrea-Siemens/cm,

— cion hidrocсаimeitioifurfurail nach mó ná 25 milleagram in aghaidh an chileagram de shiúcraí iomlána,

— mesoinositol i láthair.

(b) an táirge neamhdhóite soladach:

(i) a fhaightear trí chrystalú a dhéanamh ar úrghíona fionchaor tiubhaithe coigeartaithe leachtacha gan tuaslagóir a úsáid;

(ii) atá curtha faoi chóireáil údaraithe chun comhábhair seachas siúcra a dhí-aigéadú agus a dhíothú;

(iii) a bhfuil na saintréithe a leanas aige tar éis é a chaolú i dtuaslagán ag 25 Brix:

— pH nach mó ná 7.5,

— dlús optúil ag 425 nm do thiús 1 cm nach mó ná 0.100,

— cion siúcraíocht nach bhfuil le brath trí mhodh anailíse atá le sainiú,

— innéacs Folin-Ciocalteu nach mó ná 6.00,

— aigéadacht intoirtmheasctha nach mó ná 15 mhilleachóibhéis in aghaidh an chileagram de shiúcraí iomlána,

— cion dé-ocsaíde sulfair nach mó ná 10 milleagram in aghaidh an chileagram de shiúcraí iomlána,

- cion iomlán caitian nach mó ná 8 milleachóibhéis in aghaidh an chileagram de shiúcraí iomlána,
- seoltacht ag 20 °C nach mó ná 120 micrea-Siemens/cm,
- cion hidrocсаimeitiolfurfurail nach mó ná 25 milleagram in aghaidh an chileagram de shiúcraí iomlána,
- mesoinositol i láthair.

Tá neart alcóil iarbhír den úrfhíon fhionchaor tiubhaithe coigeartaithe nach mó ná 1 % de réir toirte ceadaithe.

(15) Fíon ó fhíonchaora rísínithe

Ciallaíonn "fíon ó fhíonchaora rísínithe" an táirge:

- (a) a tháirgtear gan saibhriú, ó fhíonchaora a fágadh sa ghrian nó sa scáth i gcomhair díhiodráitiú páirteach;
- (b) ag a bhfuil neart alcóil iomlán nach lú ná 16 % de réir toirte agus neart alcóil iarbhír nach lú ná 9 % de réir toirte; agus
- (c) ag a bhfuil neart alcóil nádúrtha nach lú ná 16 % de réir toirte (nó 272 gram siúcra in aghaidh an lítir).

(16) Fíon ó fhíonchaora ró-aibí

Ciallaíonn "fíon ó fhíonchaora ró-aibí" an táirge:

- (a) a tháirgtear gan saibhriú;
- (b) ag a bhfuil neart alcóil nádúrtha níos mó ná 15 % de réir toirte; agus
- (c) ag a bhfuil neart alcóil iomlán nach lú ná 15 % de réir toirte agus neart alcóil iarbhír nach mó ná 12 % de réir toirte.

Féadfaidh Ballstáit tréimhse aosaithe a leagan síos don táirge seo.

(17) Fínéagar fíona

Ciallaíonn "fínéagar fíona" fínéagar:

- (a) a fhaightear go heisiach trí choipeadh aicéiteach fíona; agus
- (b) ag a bhfuil aigéadacht iomlán nach lú ná 60 gram in aghaidh an lítir a shloinntear mar aigéad aicéiteach.

CUID III

Bainne agus táirgí bainne

1. Ciallaíonn 'bainne' an gnáththál mamach a fhaightear ó bhleán amháin nó níos mó gan aon rud a bheith curtha leis sin nó bainte as sin, agus an chiall sin amháin.

Féadfar an téarma 'bainne' a úsáid sna cásanna seo a leanas, áfach:

- (a) i gcás bainne a chóireáiltear gan a chomhdhéanamh a athrú nó i gcás bainne a rinneadh a chion saille a chaighdeánú de réir Chuid IV;
- (b) i gcomhar le focal nó focail chun cineál, grád, tionscnamh agus/nó úsáid bheartaithe an bhainne sin a ainmniú nó chun cur síos a dhéanamh ar an gcóireáil fhisiceach nó ar an modhnú ar chomhdhéanamh atá déanta air, ar choinníoll go bhfuil an modhnú srianta do chomhábhair nádúrtha bhainne a chur leis agus/nó a bhaint as.

2. Chun críocha na Coda seo, ciallaíonn 'táirgí bainne' táirgí a fhaightear ó bhainne amháin, ar an tuiscint gur féidir substaintí a theastaíonn chun iad a dhéanamh a chur leo ar choinníoll nach n-úsáidtear na substaintí sin chun iad a chur in ionad, go huile nó go páirteach, aon chomhábhair bhainne.

Forchoimeádfar iad seo a leanas go heisiach do tháirgí bainne.

(a) na hainmneacha a leanas a úsáidtear ag gach céim margaíochta:

- (i) meadhg,
- (ii) uachtar,
- (iii) im,
- (iv) bláthach,
- (v) ola ime,
- (vi) cáiséiní,
- (vii) saill bhainne ainhidriúil,
- (viii) cáis,
- (ix) iógart,
- (x) ceifír,
- (xi) koumiss,
- (xii) viili/fil,
- (xiii) smetana,
- (xiv) fil;
- (xv) rjaženka,
- (xvi) rūgušpiens;

(b) ainmneacha faoi chuimsiú bhrí Airteagal 5 de Threoir 2000/13/CE nó Airteagal 17 de Rialachan (AE) Uimh. 1169/2011 a úsáidtear le haghaidh táirgí bainne.

3. Is féidir an téarma 'bainne' agus na sonrúcháin a úsáidtear do tháirgí bainne a úsáid freisin i gcomhar le focal nó focail chun táirgí ilchodacha a shainiú, ar táirgí iad nach bhfuil aon chuid díobh ag tógáil ionad aon chomhábhair bhainne nó nach bhfuil beartaíthe ionad comhábhair bhainne a thógáil agus dá bhfuil bainne nó táirge bainne ina chuid bhunriachtanach maidir le cainníocht nó tréithriú an táirge.
4. Maidir le bainne, luafar an speiceas ainmhí ón a dtagann an bainne, mura bó-ainmhí atá i gceist.
5. Ní ceadmhach na hainmhithe dá dtagraítear i bpointe 1, i bpointe 2 agus i bpointe 3 a úsáid d'aon táirge seachas dóibh siúd dá dtagraítear sa phointe sin.

Ní bheidh feidhm ag an bhforáil seo, áfach, maidir le sonrúcháin táirgí dá bhfuil an cineál soiléir ó úsáid thraidisiúnta agus/nó nuair is léir go n-úsáidtear na sonrúcháin chun cur síos a dhéanamh ar shaintréith an táirge.

6. Maidir le táirgí seachas iad siúd a bhfuil tuairisc orthu i bpointí 1, 2 agus 3 den Chuid seo, ní ceadmhach aon lipéad, doiciméad tráchtála, ábhar poiblíochta ná aon chineál fógraíochta mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2 de Threoir 2006/114/CE⁽¹⁾ ón gComhairle, ná aon chineál cur i láthair a úsáid a mhaíonn, a chuireann in iúl nó a thugann le tuiscint gur táirge déiríochta atá sa táirge.

Maidir le táirge ina bhfuil bainne nó táirgí bainne, áfach, ní ceadmhach an sonrúcháin 'bainne' nó na sonrúcháin dá dtagraítear sa dara fohír de phointe 2 den Chuid seo a úsáid ach amháin chun cur síos a dhéanamh ar na hamhábhair bhunúsacha agus chun na comhábhair a liostú i gcomhréir le Treoir 2000/13/CE nó le Rialachán 1169/2011.

⁽¹⁾ Treoir 2006/114/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 a bhaineann le fógraíocht mhíthreorach agus chomparáideach (IO L 376, 27.12.2006, lch. 21).

CUID IV

Bainne lena chaitheamh ag an duine a thagann faoi chuimsiú chód AC 0401

I. Sainmhínithe

Chun críocha na Coda seo:

- (a) ciallaíonn 'bainne' an táirge a fhaightear as bó amháin nó níos mó a bhleán;
- (b) ciallaíonn 'bainne óil' na táirgí dá dtagraítear i bpointe III atá beartaithe a sheachadadh chuig an tomhaltóir gan tuilleadh próiseála;
- (c) ciallaíonn 'cion saille' an cóimheas de réir maise de chodanna saille bainne in aghaidh gach céad cuid bainne sa bhainne lena mbaineann;
- (d) ciallaíonn 'cion próitéine' an cóimheas de réir maise de chodanna próitéine in aghaidh gach céad cuid bainne sa bhainne lena mbaineann (a fhaightear tríd an gcion nítrigine iomlán sa bhainne a mhéadú faoi 6,38 a shloinntear mar chéatadán de réir maise).

II. Seachadadh ar an tomhaltóir deiridh nó díol leis

- 1 Ní ceadmhach ach bainne a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos do bhainne óil a sheachadadh gan phróiseáil ar an tomhaltóir deiridh nó a dhíol leis, go díreach nó trí bhialanna, ospidéal, ceantíní nó oll-lónadóirí comhchosúla eile.
- 2 Is iad na tuairiscí díolacháin a úsáidfead do na táirgí sin ná iad siúd a thugtar i bpointe III den Chuid seo. Ní úsáidfead na tuairiscí sin ach amháin do na táirgí dá dtagraítear sa phointe sin, gan dochar dá n-úsáid i dtuairiscí ilchodacha.
- 3 Glacfaidh Ballstáit bearta chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi chineál agus faoi chomhdhéanamh na dtáirgí lena mbaineann sna cásanna gur dócha mearbhall a bheith ann mura gcuirtear an fhaisnéis sin ar fáil.

III. Bainne óil

1. Measfar gur bainne óil a bheidh sna táirgí seo a leanas:

- (a) bainne amh, bainne nár téadh os cionn 40 °C nó nach ndearnadh cóireáil air ag a bhfuil tionchar coibhéiseach;
- (b) bainne iomlán: bainne teaschóireáilte a chomhlíonann ceann de na ceanglais a leanas maidir le cion saille:
 - (i) bainne iomlán caighdeánaithe: bainne a bhfuil ar a laghad 3,50 % (m/m) de chion saille ann. Féadfaidh Ballstáit foráil a dhéanamh, áfach, maidir le catagóir bhreise de bhainne iomlán ina bhfuil 4,00 % (m/m) de chion saille ann nó níos mó;
 - (ii) bainne iomlán neamhchaighdeánaithe: bainne le cion saille nár athraíodh tar éis bleáin trí shail bhainne a chur leis nó a bhaint de nó trína mheascadh le bainne ina bhfuil an cion saille nádúrtha athraithe. Ní ceadmhach an cion saille a bheith níos lú ná 3,50 % (m/m), áfach;
- (c) bainne leathbhearrtha: bainne teaschóireáilte a bhfuil an cion saille ann laghdaithe go 1,50 % (m/m) ar a laghad agus 1,80 % (m/m) ar a mhéad;
- (d) bainne teaschóireáilte a bhfuil an cion saille ann laghdaithe go 0,50 % (m/m) ar a mhéad.

Measfar gur bainne óil atá i mbainne teaschóireáilte nach gcomhlíonann na ceanglais maidir le cion saille a leagtar síos i bpointe (b), i bpointe (c) agus i bpointe (d) den chéad fhomhír ar choinníoll go bhfuil an cion saille curtha in iúl go soiléir le pointe deachúlach amháin agus é inléite go soiléir ar an bpacáistíocht i bhfoirm "... % de shail". Ní dhéanfar cur síos ar bhainne den chineál seo mar bhainne iomlán, mar bhainne leathbhearrtha ná mar bhainne bearrtha.

2. Gan dochar do phointe 1(b)(ii), ní cheadófar ach na modhnuithe seo a leanas:

- (a) d'fhonn an cion saille a leagtar síos do bhainne óil a bhaint amach, an cion saille nádúrtha a mhodhnú trí uachtar a chur leis nó a bhaint de nó trí bhainne iomlán, bainne leathbhearrtha nó bainne bearrtha a chur leis;

(b) bainne a shuibhríú le próitéiní bainne, salainn mhianracha nó vitimíní i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾;

(c) an cion lachtóis a laghdú trína thiontú go glúcós agus galactós.

Ní cheadófar modhnuithe i gcomhdhéanamh bainne dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (c) ach amháin má tá siad léirithe go doscrista ar fhacáistíocht an táirge ionas gur féidir é a fheiceáil agus a léamh go furasta. Ní bhfaighidh léiriú den chineál sin réidh leis an oibleagáid maidir le lipéadú cothaithe a leagtar síos le Rialachán(AE) Uimh 1169/2011. I gcás ina gcuirtear próitéiní leis, ní mór cion próitéine an bhainne shuibhrithe a bheith cothrom le 3,8 % (m/m) nó níos mó.

Féadfaidh Ballstáit teorainn a chur le modhnuithe, nó cosc a chur ar mhodhnuithe ar chomhdhéanamh bainne dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (c).

3. Beidh an méid seo a leanas fíor faoi bhainne óil:

(a) beidh reophointe aige atá gar do mheán-reophointe bainne amh a dhéantar a thaifeadadh i limistéar tionscnaimh an bhainne óil a bhailítear;

(b) beidh mais ag an mbainne nach lú ná 1 028 gram in aghaidh an lítir i gcás bainne ina bhfuil 3,5 % (m/m) de shail ag 20 °C nó an meáchan coibhéiseach in aghaidh an lítir i gcás bainne ina bhfuil cion saille éagsúil;

(c) beidh ar a laghad 2,9 % (m/m) de phróitéin ann i gcás bainne ina bhfuil 3,5 % (m/m) de shail nó tiúchan coibhéiseach i gcás bainne ina bhfuil cion saille éagsúil.

CUID V

Táirgí ó earnáil an fheola éanlaithe clóis

I. Beidh feidhm ag an gCuid seo maidir le margaiócht a dhéanamh laistigh den Aontas i modh gnó nó trádála, ar tháirgí de chineálacha agus de léirithe áirithe feola éanlaithe clóis, agus ullmhóidí agus táirgí feola éanlaithe clóis nó ullmhóidí agus táirgí scairteach éanlaithe clóis, ó na speicis seo a leanas

— *Gallus domesticus*,

— lachain,

— géanna,

— turcaithe,

— guinithe.

Beidh feidhm ag na forálacha seo freisin maidir le feoil éanlaithe faoi sháile a thagann faoi réim chód AC 0210 99 39.

II. Sainmhínte

(1) ciallaíonn 'feoil éanlaithe' feoil éanlaithe atá oiriúnach lena caitheamh ag an duine agus nach bhfuil aon chóireáil déanta uirthi seachas fuar-chóireáil;

(2) ciallaíonn "feoil úr éanlaithe" feoil éanlaithe nach bhfuil stalctha ag aon am ag an bpróiseas fuaraithe, roimh di a bheith coinnithe ag teocht nach ísle ná - 2 °C agus nach airde ná + 4 °C. Féadfaidh Ballstáit ceanglais teochta atá beagán éagsúil a leagan síos don íosmhéid ama is gá chun feoil úr éanlaithe a ghearradh agus a láimhseáil i siopaí miondíola nó in áitribh atá in aice le pointí díolacháin, i gcás ina ndéantar an gearradh agus an láimhseáil chun iad a sholáthar don tomhaltóir ar an láthair, agus chuige sin amháin;

(3) ciallaíonn "feoil reoite éanlaithe" feoil éanlaithe nach mór a bheith reoite chomh tapa agus is féidir taobh istigh de shrianta na ngnáthnósanna imeachta maraithe agus atá le coinneáil ag teocht nach airde ná - 12 °C ag am ar bith;

(4) ciallaíonn "feoil mhear-reoite éanlaithe clóis" feoil éanlaithe clóis atá le coinneáil ag teocht nach airde ná -18 °C ag am ar bith taobh istigh de na lamháltais dá ndéantar foráil i dTreoir 89/108/CEE ón gComhairle ⁽²⁾;

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le vitimíní agus mianraí agus substaintí áirithe eile a chur le bia; (IO L 404, 30.12.2006, lch. 26).

⁽²⁾ Treoir 89/108/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1988 maidir leis comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bia mear-reoite mar bhia don duine (IO L 40 11.2.1999, lch. 34).

(5) ciallaíonn "ullmhóid feola éanlaithe" feoil éanlaithe, lena n-áirítear feoil éanlaithe atá laghdaithe go blúirí, a bhfuil bia-ábhair, blastanais nó breiseáin curtha leis, nó atá curtha trí phróisis nach bhfuil leordhóthanach chun struchtúr shnáithíní mhatáin inmheánacha na feola a athrú;

(6) ciallaíonn "ullmhóid feola úire éanlaithe"

ullmhóid feola éanlaithe ar baineadh úsáid as feoil úr éanlaithe ann.

Féadfaidh Ballstáit ceanglais teochta atá beagán éagsúil a leagan síos, áfach, atá le cur i bhfeidhm don íosmhéid ama is gá agus sa mhéid is gá amháin chun gearradh agus láimhseáil feola éanlaithe a dhéantar sa mhonarcha le linn táirgeadh ullmhóidí feola úire éanlaithe a éascú;

(7) ciallaíonn "táirge feola éanlaithe clóis" táirge feola mar atá sé sainmhínithe i bpointe 7.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ar úsáideadh feoil éanlaithe clóis dó.

III. Beidh feoil éanlaithe clóis agus ullmhóidí feola úire éanlaithe á margú faoi cheann de na coinníollacha a leanas:

- úr,
- reoite,
- mear-reoite.

CUID VI

Uibheacha cearca de speiceas gallus species

I. Raon feidhme

- 1 Gan dochar d'Airteagal 75 a bhaineann le caighdeán mhargaíochta uibheacha goir agus sicíní éanlaithe clóis, beidh feidhm ag an gCuid seo i ndáil leis an margaíocht laistigh den Aontas d'uibheacha a táirgeadh san Aontas, d'uibheacha a allmhairíodh ó thríú tíortha nó d'uibheacha a bheartaítear a onnmhairiú lasmuigh den Aontas.
- 2 Féadfar Ballstáit a dhíolmhú ó na ceanglais dá bhforáiltear sa Chuid seo, seachas pointe III(3), uibheacha a dhíolann an táirgeoir díreach leis an tomhaltóir deiridh:

(a) ar an láthair táirgeachta, nó

(b) i margadh poiblí áitiúil nó díol ó dhoras go doras i réigiún táirgeachta an Bhallstáit lena mbaineann.

I gcás ina dtugtar díolúine mar sin, beidh gach táirgeoir in ann a roghnú díolúine mar sin a chur i bhfeidhm nó gan í a chur i bhfeidhm. I gcás ina gcuirtear díolúine mar sin i bhfeidhm, ní fhéadfar grádú cáilíochta nó meáchain a úsáid.

Féadfaidh an Ballstát, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, sainmhíniú ar na téarmaí 'margadh poiblí áitiúil', 'díol ó dhoras go doras' agus 'réigiún táirgeachta' a shuí.

II. Grádú cáilíochta agus meáchain

1. Déanfar uibheacha a ghrádú de réir cáilíochta mar a leanas:

(a) Aicme A nó 'úr',

(b) Aicme B.

2. Déanfar uibheacha Aicme A a ghrádú de réir meáchain freisin. Ní éileofar grádú de réir meáchain, áfach, i gcás uibheacha a sheachadfar chuig an tionscal bia agus an tionscal neamhbhia.

3. Ní sheachadfar uibheacha Aicme B ach chuig an tionscal bia agus an tionscal neamhbhia.

III. Marcáil uibheacha

1 Déanfar uibheacha Aicme A a mharcáil leis an gcód táirgeora.

Déanfar uibheacha Aicme B a mharcáil leis an gcód táirgeora agus/nó le tasc eile.

Féadfaidh Ballstáit uibheacha Aicme B a dhíolmhú ón gceanglas sin i gcás ina ndéantar na huibheacha sin a chur ar an margadh go heisiach ar a gcíoch.

2. Déanfar na huibheacha a mharcáil i gcomhréir le pointe 1 ar an láthair táirgeachta nó ag an gcéad ionad pacála chuig a dtabharfar na huibheacha.
3. Déanfar uibheacha a dhíolann an táirgeoir leis an tomhaltóir deiridh ar mhargadh poiblí áitiúil i réigiún táirgeachta an Bhallstáit lena mbaineann a mharcáil i gcomhréir le pointe 1.

Féadfaidh Ballstáit, áfach, táirgeoirí a bhfuil suas le 50 bearóg a dhíolmhú ón gceanglas sin, ar choinníoll go léireofar ainm agus seoladh an táirgeora ag an bpointe díola.

CUID VII

Sailte inleata

I. Tuairisc díolacháin

Ní ceadmhach na táirgí dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 78(1) a sholáthar ná a aistriú gan phróiseáil chuig an tomhaltóir deiridh go díreach ná trí bhialanna, ospidéal, ceantíní nó áiteanna comhchosúla, mura gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn II.

Is iad tuairiscí díolacháin na dtáirgí sin na cinn a shonrófar in Iarscríbhinn II a gan dochar do phointe II(2), (3) agus (4).

Forchoimeádfar na tuairiscí díolacháin in Iarscríbhinn II do na táirgí a shainítear ann ag a bhfuil na cóid AC a leanas agus ag a bhfuil cion saille 10 % ar a laghad ach níos lú ná 90 % de réir meáchain:

- (a) saille bainne a thagann faoi réim chód AC 0405 agus ex 2106;
- (b) saille a thagann faoi réim chód AC ex 1517;
- (c) saille atá comhdhéanta de tháirgí plandaí agus/nó ainmhithe a thagann faoi réim chód AC ex 1517 agus chód AC ex 2106.

Cion saille lúide salann a bheidh in dhá thrian ar a laghad den ábhar tirim.

Ní bhainfidh na tuairiscí díolacháin sin, áfach, ach le táirgí a bhíonn fós soladach ag teocht 20 °C, agus atá oiriúnach lena n-úsáid mar leatháin.

Ní bheidh feidhm ag na sainmhínte seo maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) ainmniú táirgí a bhfuil a gcineál díreach soiléir ó úsáid thraidisiúnta agus/nó nuair a úsáidtear na hainmhithe go soiléir chun tuairisc a dhéanamh ar shaintréith de chuid an táirge;
- (b) táirgí tiubhaithe (im, margairín, cumaisc) ina bhfuil cion saille 90 % nó níos mó.

II. Téarmaíocht

1. Féadfar an téarma 'traidisiúnta' a úsáid le chéile leis an ainm 'im' dá bhforáiltear i bpointe 1 de Chuid A d'Iarscríbhinn II, i gcás go bhfaightear an táirge go díreach ó bhainne nó ó uachtar.

Chun críocha an phointe sin, ciallaíonn 'uachtar' an táirge a fhaightear ó bhainne i bhfoirm eibleachta den chineál ola-in-uisce ag a bhfuil cion saille bainne 10 % ar a laghad.

2. Cuirfear cosc ar théarmaí do tháirgí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II ina luaitear, ina gcuirtear in iúl nó ina dtugtar le tuisceant cion saille seachas é sin dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin.
3. De mhaolú ar mhír 2 agus anuas air sin, féadfar an téarma 'sail-laghdaíthe' nó "éadrom" a úsáid do tháirgí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, le cion saille nach mó ná 62 %.

Féadfaidh an téarma 'sail-laghdaíthe' agus an téarma 'éadrom', teacht in ionad na dtéarmaí 'trí cheathrú saille' nó 'leathshaille' a úsáid áfach in Iarscríbhinn II.

4. Féadfar na tuairiscí díolacháin 'minarine' nó 'halvarine' a úsáid do tháirgí dá dtagraítear i bpointe 3 de Chuid B d'Iarscríbhinn II

5. Féadfar an téarma 'glasra' a úsáid le chéile leis na tuairiscí díolacháin i gCuid B d'Iarscríbhinn II, ar an gcoinníoll nach bhfuil sa táirge ach saill de thionscnamh glasraí lena ngabhann lamháltas 2 % den chion saille do shaill ainmhithe. Beidh feidhm ag an lamháltas seo chomh maith i gcás go dtagraítear do speiceas glasraí.

CUID VIII

Tuairiscí agus sainmhínithe ar ola olóige agus ar olaí prabhaithe olóige

Beidh sé éigeantach na tuairiscí agus na sainmhínithe maidir le holaí olóige agus olaí prabhaithe olóige a leagtar amach sa Chuid seo a úsáid i gcás mhargaíocht na dtáirgí lena mbaineann laistigh den Aontas, agus sa mhéid agus atá sé ag luí le rialacha éigeantacha idirnáisiúnta, i gcás trádála le tríú tíortha.

Ní féidir ach olaí dá dtagraítear i bpointí 1(a) agus (b), 3 agus 6 a mhargú le linn chéim an mhiondíola.

(1) OLAÍ OLÓIGE ÍONA

Ciallaíonn 'Olaí olóige íona' olaí a fhaightear ó thoradh an chrainn olóige trí mhodhanna meicniúla nó fisiceacha faoi choinníollacha nach ndéanann athruithe ar an ola, nach bhfuil aon chóireáil déanta uirthi seachas níochán, scineáil, lártheifneoiríú nó scagadh, ach amháin olaí a fhaightear trí úsáid a bhaint as tuaslagóirí nó a úsáideann aidiúvaigh a ghníomhaíonn go ceimiceach nó go bithcheimiceach, nó trí phróiseas ath-eistearúcháin agus aon mheascán le holaí de chineálacha eile.

Déantar olaí olóige íona a aicmiú go heisiach agus déantar cur síos orthu mar seo a leanas:

(a) Ola olóige úrion

Ciallaíonn 'Ola olóige úrion' ola olóige íon ag a bhfuil uas-aigéadacht shaor, i dtéarmaí aigéid oiléaigh, de 0,8 g in aghaidh 100 g, agus a gcomhlíonann a saintréithe eile iad siúd atá leagtha síos don chatagóir seo ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 75(2).

(b) Ola olóige íon

Ciallaíonn 'ola olóige íon' ola olóige íon ag a bhfuil uas-aigéadacht shaor, i dtéarmaí aigéid oiléaigh, de 2 g in aghaidh 100 g, agus a gcomhlíonann a saintréithe eile iad siúd atá leagtha síos don chatagóir seo ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 75(2).

(c) Ola olóige lampante

Ciallaíonn 'Ola olóige lampante' ola olóige íon ag a bhfuil aigéadacht shaor, i dtéarmaí aigéid oiléaigh, de níos mó ná 2 g in aghaidh 100 g, agus/nó a gcomhlíonann a saintréithe eile iad siúd atá leagtha síos don chatagóir seo ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 75(2).

(2) OLA OLÓIGE SCAGTHA

Ciallaíonn 'ola olóige scagtha' ola olóige a fhaightear trí ola olóige íon a scagadh, ag a bhfuil cion aigéadachta saoire, a shloinntear mar aigéad oiléach, nach mó ná 0,3 g in aghaidh 100 g, agus a gcomhlíonann a saintréithe eile iad siúd atá leagtha síos don chatagóir seo ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 75(2).

(3) OLA OLÓIGE — A CHOMHDHÉANTAR d'OLAÍ OLÓIGE SCAGTHA AGUS d'OLAÍ OLÓIGE ÍONA

Ciallaíonn 'OLA OLÓIGE — A CHOMHDHÉANTAR d'OLAÍ OLÓIGE SCAGTHA AGUS d'OLAÍ OLÓIGE ÍONA' Ola olóige a fhaightear trí ola olóige scagtha a mheascadh le hola olóige íon seachas ola olóige lampante, ag a bhfuil cion aigéadachta saoire, a shloinntear mar aigéad oiléach, nach mó ná 1 g in aghaidh 100 g, agus a gcomhlíonann a saintréithe eile iad siúd a leagtha síos don chatagóir seo ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 75(2).

(4) AMHOLA PHRABHAITE OLÓIGE

Ciallaíonn 'amhola prabhaithe oloige' ola a fhaightear ó phrabhaithe olóige trína cóireáil le tuaslagóirí nó trí mhodhanna fisiceacha nó ola a fhreagraíonn d'ola olóige lampante, ach amháin saintréithe áirithe sonraithe, seachas ola a fhaightear trí ath-eistearúchán agus trí mheascáin le cineálacha eile ola, agus a gcomhlíonann a saintréithe eile iad siúd atá leagtha síos don chatagóir seo ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 75(2).

(5) OLA PHRABHAITE OLÓIGE SCAGTHA

Ciallaíonn 'OLA PHRABHAITE OLÓIGE SCAGTHA' Ola olóige a fhaightear trí amhola phrabhaite olóige a scagadh, ag a bhfuil cion aigéadachta saoire, a shloinntear mar aigéad oiléach, nach mó ná 0,3 g in aghaidh 100 g, agus a gcomhlíonann a saintréithe eile iad siúd atá leagtha síos don chatagóir seo ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 75(2).

(6) OLA PHRABHAITE OLÓIGE

Ciallaíonn 'OLA PHRABHAITE OLÓIGE' Ola a fhaightear trí ola phrabhaite olóige scagtha a mheascadh le hola olóige íon seachas ola olóige lampante, ag a bhfuil cion aigéadachta saoire, a shloinntear mar aigéad oiléach, nach mó ná 1 g in aghaidh 100 g, agus a gcomhlíonann a saintréithe eile iad siúd atá leagtha síos don chatagóir seo ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 75(2).

Foscúibhinn I

Criosanna fionsaothrúcháin

Is iad seo a leanas a bheidh ina gcriosanna fionsaothrúcháin:

(1) Is éard atá i gcrios fionsaothrúcháin A:

- (a) sa Ghearmáin: na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha seachas iad siúd a áirítear i bpointe 2(a);
- (b) i Lucsamburg: réigiún fionsaothrúcháin Lucsamburg;
- (c) sa Bheilg, sa Danmhairg, in Éirinn, san Ísiltír, sa Pholainn, sa tSualainn agus sa Ríocht Aontaithe: limistéir fionsaothrúcháin na mBallstát sin;
- (d) i bPoblacht na Seice: réigiún fionsaothrúcháin Čechy.

(2) Is éard atá i gcrios fionsaothrúcháin B:

- (a) sa Ghearmáin, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha i réigiún sonraithe Baden;
- (b) sa Fhrainc, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna ranna nach luaitear san Iarscúibhinn seo agus sna ranna seo a leanas:
 - san Alsáis: Bas-Rhin, Haut-Rhin,
 - sa Lorráin: Meurthe-et-Moselle, Meuse, Moselle, Vosges,
 - in Champagne: in Champagne, Aisne, Aube, Marne, Haute-Marne, Seine-et-Marne,
 - in Jura: Ain, Doubs, Jura, Haute-Saône,
 - in Savoie: Savoie, Haute-Savoie, Isère (común Chapareillan),
 - in Val de Loire: Cher, Deux-Sèvres, Indre, Indre-et-Loire, Loir-et-Cher, Loire-Atlantique, Loiret, Maine-et-Loire, Sarthe, Vendée, Vienne, agus na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha in arrondissement Cosne-sur-Loire i roinn Nièvre;
- (c) san Ostair, limistéir fionsaothrúcháin na hOstaire;
- (d) i bPoblacht na Seice, réigiún fionsaothrúcháin Morava agus na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha nach n-áirítear i bpointe 1(d);
- (e) sa tSlóvaic, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna réigiúin seo a leanas: Malokarpatská vinohradnícka oblast, Južnoslovenská vinohradnícka oblast, Nitrianska vinohradnícka oblast, Stredoslovenská vinohradnícka oblast, Východoslovenská vinohradnícka oblast agus na limistéir fionsaothrúcháin nach n-áirítear i bpointe 3(f);
- (f) sa tSlóivéin, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna réigiúin seo a leanas:
 - i réigiún Podravje: Štajerska Slovenija, Prekmurje,
 - i réigiún Posavje: Bizeljsko Sremič, Dolenjska agus Bela krajina, agus na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna réigiúin nach n-áirítear i bpointe 4(d);
- (g) sa Rómáin, i limistéir Podișul Transilvaniei;
- (h) sa Chróit, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna fo-réigiúin seo a leanas: Moslavina, Prigorje-Bilogora, Plešivica, Pokuplje agus Zagorje-Međimurje.

(3) Is éard atá i gcrios fionsaothrúcháin C I:

- (a) sa Fhrainc, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha:
 - sna ranna seo a leanas: Allier, Alpes-de-Haute-Provence, Hautes-Alpes, Alpes-Maritimes, Ariège, Aveyron, Cantal, Charente, Charente-Maritime, Corrèze, Côte-d'Or, Dordogne, Haute-Garonne, Gers, Gironde, Isère (cé is moite de común de Chapareillan), Landes, Loire, Haute-Loire, Lot, Lot-et-Garonne, Lozère, Nièvre (ach amháin arrondissement Cosne-sur-Loire), Puy de-Dôme, Pyrénées-Atlantiques, Hautes-Pyrénées, Rhône, Saône-et-Loire, Tarn, Tarn-et-Garonne, Haute-Vienne, Yonne,

- in arrondissements Valence agus Die i roinn Drôme (ach amháin i gcantúin Dieulefit, Loriol, Marsanne agus Montélimar),
 - in arrondissement Tournon, i gcantúin Antraigues, Burzet, Coucouron, Montpezat-sous-Bauzon, Privas, Saint-Etienne de Lugdarès, Saint-Pierreville, Valgorge agus la Voulte-sur-Rhône i roinn Ardèche;
- (b) san Iodáil, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha i réigiún Valle d'Aosta agus i gcúigí Sondrio, Bolzano, Trento agus Belluno;
- (c) sa Spáinn, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha i gcúigí A Coruña, Asturias, Cantabria, Guipúzcoa agus Vizcaya;
- (d) sa Phortaingéil, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sa chuid de réigiún Norte a chomhfhreagraíonn do limistéar ainmnithe fíona 'Vinho Verde' chomh maith le "Concelhos de Bombarral, Lourinhã, Mafra e Torres Vedras" (cé is moite de 'Freguesias da Carvoeira e Dois Portos'), a bhaineann leis an 'Região vitícola da Extremadura';
- (e) san Ungáir, na limistéir go léir ina bhfuil fíniúnacha curtha;
- (f) sa tSlóvaic, na limistéir i Tokajská vinohradnícka oblasť; ina bhfuil fíniúnacha curtha;
- (g) sa Rómáin, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha nach n-áirítear i bpointí 2(g) ná 4(f);
- (h) sa Chróit, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna fo-réigiúin seo a leanas: Hrvatsko Podunavlje agus Slavonija.
- (4) Is éard atá i gcrios fionsaothrúcháin C II:
- (a) sa Fhrainc, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha:
- sna ranna seo a leanas: Aude, Bouches-du-Rhône, Gard, Hérault, Pyrénées-Orientales (ach amháin i gcantúin Olette agus Arles-sur-Tech), Vaucluse,
 - sa chuid de roinn Var a chuimsítear ó dheas le teorainn thuaidh chomúin Evenos, Le Beausset, Solliès-Toucas, Cuers, Puget-Ville, Collobrières, La Garde-Freinet, Plan-de-la-Tour agus Sainte-Maxime,
 - in arrondissement Nyons agus i gcantúin Loriol-sur-Drôme i roinn Drôme,
 - sna codanna sin de roinn Ardèche nach liostaítear i bpointe 3(a);
- (b) san Iodáil, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna réigiúin seo a leanas: Abruzzo, Campania, Emilia-Romagna, Friuli-Venezia Giulia, Lazio, Liguria, an Lombaird (ach amháin cúige Sondrio), Marche, Molise, Píomant, an Tuscáin, Umbria, Veneto (ach amháin cúige Belluno), lena n-áirítear na hoileáin a bhaineann leis na réigiúin sin, mar shampla Elba agus oileáin eile an oileánra Thuscánaigh, oileáin Ponziane, Capri agus Ischia;
- (c) sa Spáinn, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna cúigí seo a leanas:
- Lugo, Orense, Pontevedra,
 - Ávila (ach amháin na comúin a bhaineann leis an bhfíon ainmnithe "comarca" ó Cebreros), Burgos, León, Palencia, Salamanca, Segovia, Soria, Valladolid, Zamora,
 - La Rioja,
 - Álava,
 - Navarra,
 - Huesca,
 - Barcelona, Girona, Lleida,
 - sa chuid sin de chúige Zaragoza atá ó thuaidh ón Eabhró,
 - sna comunnes i gcúige Tarragona a áirítear i sonrúcháin tionscnaimh Penedés,

- sa chuid sin de chúige Tarragona a bhaineann leis an bhfíon ainmnithe 'comarca' ó Conca de Barberá;
- (d) sa tSlóivéin, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna réigiúin seo a leanas: Brda nó Goriška Brda, Vipavska dolina nó Vipava, Kras agus Slovenska Istra;
- (e) sa Bhulgáir, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna réigiúin seo a leanas: Dunavska Ravnina (Дунавска равнина), Chernomorski Rayon (Черноморски район), Rozova Dolina (Розова долина);
- (f) sa Rómáin, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna réigiúin seo a leanas:
- Dealurile Buzăului, Dealu Mare, Severinului agus Plaiurile Drâncei, Colinele Dobrogei, Terasale Dunării, réigiún fíona an Deiscirt, lena n-áirítear réigiúin ghainimh agus réigiúin fhabhracha eile;
- (g) sa Chróit, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna fo-réigiúin seo a leanas: Hrvatska Istra, Hrvatsko primorje, Dalmatinska zagora, Sjeverna Dalmacija agus Srednja i Južna Dalmacija.
- (5) Is éard atá i gcrios fionsaothrúcháin C III (a):
- (a) sa Ghréig, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna nomoi seo a leanas: Florina, Imathia, Kilkis, Grevena, Larisa, Ioannina, Levkas, Akhaia, Messinia, Arkadia, Korinthia, Iraklio, Khania, Rethimni, Samos, Lasithi agus oileán Thira (Santorini);
- (b) sa Chipir, limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha atá ag airdí os cionn 600 méadar;
- (c) sa Bhulgáir, limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha nach n-áirítear i bpointe 4(e).
- (6) Is éard atá i gcrios fionsaothrúcháin C III (b):
- (a) sa Fhrainc, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha:
- i ranna na Corsaice,
- sa chuid sin de Roinn Var atá suite idir an fharraige agus líne teorann chomúin Evenos, Le Beausset, Solliès-Toucas, Cuers, Puget-Ville, Collobrières, La Garde-Freinet, Plan-de-la-Tour agus Sainte-Maxime (ar comúin iad a áirítear),
- i gcantúin Olette agus Arles-sur-Tech i roinn Pyrénées-Orientales;
- (b) san Iodáil, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna réigiúin seo a leanas: Calabria, Basilicata, Apulia, an tSairdín agus an tSicil, lena n-áirítear na hoileáin a bhaineann leis na réigiúin sin, amhail Pantelleria agus oileáin Lipari, Egadi agus Pelagie;
- (c) sa Ghréig, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha nach liostaítear i bpointe 5(a);
- (d) sa Spáinn: na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha nach n-áirítear i bpointe 3(c) nó i bpointe 4(c);
- (e) sa Phortaingéil, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna réigiúin nach n-áirítear i bpointe 3(d);
- (f) sa Chipir, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha atá ag airdí nach dtéann thar 600 méadar;
- (g) i Málta, limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha.
- (7) Is é atá i gcríochadóireacht na gcríoch a chuimsítear leis na haonaid riaracháin dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo an chríochadóireacht a thagann ó na forálacha náisiúnta a bhí i bhfeidhm an 15 Nollaig 1981, agus i gcás na Spáinne, ó na forálacha náisiúnta a bhí i bhfeidhm an 1 Márta 1986 agus, i gcás na Portaingéile, ó na forálacha náisiúnta a bhí i bhfeidhm an 1 Márta 1998.

Foscúibhinn II

Sailte inleata

Grúpa saille	Tuairisc díolacháin	Catagóirí táirge
Sainmhínte		Tuairisc bhreise ar an gcatagóir lena dtugtar léiriú ar an % de chion saille de réir meáchain
<p>A. Sailte bainne</p> <p>Táirgí i bhfoirm eibleachta soladaí, intuargainte, den chineál uisce-in-ola den chuid is mó, a fhaightear ó bhainne agus/nó táirgí bainne áirithe, agus uathu sin amháin, arb í an tsail an comhábhar bunriachtanach luacha iontu. Is ceadmhach, áfach, substaintí eile a theastaíonn chun iad a dhéanamh a chur leo, ar choinníoll nach n-úsáidtear na substaintí sin chun iad a chur in ionad, go huile nó go páirteach, aon chomhábhair bhainne.</p>	1. Im	An táirge ina bhfuil cion saille bainne nach lú ná 80 % ach níos lú ná 90 %, ina bhfuil uaschion uisce 16 % agus ina bhfuil uaschion ábhair bhainne thirim neamhshaille 2 %.
	2. Im le trí cheathrú saille (*)	An táirge ina bhfuil cion saille bainne nach lú ná 60 % ach nach mó ná 62 %.
	3. Im leath-shaille (**)	An táirge ina bhfuil cion saille bainne nach lú ná 39 % ach nach mó ná 41 %.
	4. Leathán déiríochta X %	An táirge leis an gcion saille bainne seo a leanas: — níos lú ná 39 %, — níos mó ná 41 % ach níos lú ná 60 %, — níos mó ná 62 % ach níos lú ná 80 %.
<p>B: Sailte</p> <p>Táirgí i bhfoirm eibleachta soladaí, intuargainte, den chineál uisce-in-ola den chuid is mó, a fhaightear ó shailte soladacha agus/nó sailte leachtacha plandúla agus/nó ainmhíocha atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine, ag a bhfuil cion saille bainne nach mó ná 3 % den chion saille.</p>	1. Margairín	An táirge a fhaightear ó shailte plandúla agus/nó ainmhíocha ina bhfuil cion saille nach lú ná 80 % ach níos lú ná 90 %.
	2. Margairín ina bhfuil trí cheathrú saille (***)	An táirge a fhaightear ó shailte plandúla agus/nó ainmhíocha ina bhfuil cion saille nach lú ná 60 % ach nach mó ná 62 %.
	3. Margairín leath-shaille (****)	An táirge a fhaightear ó shailte plandúla agus/nó ainmhíocha ina bhfuil cion saille nach lú ná 39 % ach nach mó ná 41 %.
	4. Leatháin saille X %	An táirge a fhaightear ó shailte plandúla agus/nó ainmhíocha leis an gcion saille seo a leanas: — níos lú ná 39 %, — níos mó ná 41 % ach níos lú ná 60 %, — níos mó ná 62 % ach níos lú ná 80 %.
<p>C. Sailte atá comhdhéanta de tháirgí plandaí agus/nó ainmhíthe</p> <p>Táirgí i bhfoirm eibleachta soladaí, intuargainte, den chineál uisce-in-ola den chuid is mó, a fhaightear ó shailte soladacha agus/nó sailte leachtacha plandúla agus/nó ainmhíocha atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine, ag a bhfuil cion saille bainne idir 10 % agus 80 % den chion saille.</p>	1. Cumasc	An táirge a fhaightear ó mheascán de shailte plandúla agus/nó ainmhíocha ag a bhfuil cion saille nach lú ná 80 % ach níos lú ná 90 %.
	2. Cumasc le trí cheathrú saille (****)	An táirge a fhaightear ó mheascán de shailte plandúla agus/nó ainmhíocha ag a bhfuil cion saille nach lú ná 60 % ach nach mó ná 62 %.
	3. Cumasc leath-shaille (*****)	An táirge a fhaightear ó mheascán de shailte plandúla agus/nó ainmhíocha ag a bhfuil cion saille nach lú ná 39 % ach nach mó ná 41 %.

Grúpa saille	Tuirisc díolacháin	Catagóirí táirge
Sainmhínte		Tuirisc bhreise ar an gcatagóir lena dtugtar léiriú ar an % de chion saille de réir meáchain
	4. Leathán cumaiscthe X %	<p>An táirge a fhaightear ó mheascán de shailte plandúla agus/nó ainmhíocha a bhfuil an cion saille seo a leanas ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> — níos lú ná 39 %, — níos mó ná 41 % ach níos lú ná 60 %, — níos mó ná 62 % ach níos lú ná 80 %.

(*) a fhreagraíonn do 'smør 60' sa Danmhairgis.

(**) a fhreagraíonn do 'smør 40' sa Danmhairgis.

(***) a fhreagraíonn do 'margarine 60' sa Danmhairgis.

(****) a fhreagraíonn do 'margarine 40' sa Danmhairgis.

(*****) a fhreagraíonn do 'blandingsprodukt 60' sa Danmhairgis.

(*****) a fhreagraíonn do 'blandingsprodukt 40' sa Danmhairgis.

IARSCRÍBHINN VIII

CLEACHTAIS FÍONEOLAÍOCHTA DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 80

CUID 1

Saibhriú, aigéadú agus dí-aigéadú i gcriosanna fionsaothrúcháin áirithe

A. Teorainneacha saibhrithe

1. I gcás ina bhfágann dálaí aeráide gur gá é i gcriosanna áirithe fionsaothrúcháin an Aontais, féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann cur le neart alcóil nádúrtha de réir toirte maidir le fionchaor, úrfhíon fionchaor, úrfhíon fionchaor faoi choipeadh, fion nua atá fós faoi choipeadh agus fion a fhaightear ó chineálacha éagsúla fionchaor is féidir a aicmiú de réir Airteagal 81.
2. Bainfeadh an méadú i neart alcóil nádúrtha de réir toirte amach trí na cleachtais fíoneolaíochta dá dtagraítear i Roinn B agus ní rachaidh sé thar na teorainneacha seo a leanas:
 - (a) 3 % de réir toirte i gcrios fionsaothrúcháin A;
 - (b) 2 % de réir toirte i gcrios fionsaothrúcháin B;
 - (c) 1,5 % de réir toirte i gcrios fionsaothrúcháin C.
3. I mblianta ina bhfuil dálaí aeráide an-mhífhabharach, is ceadmhach do Bhallstáit iarraidh go n-ardófaí faoi 0,5 % na teorainneacha atá leagtha síos i bpointe 2. Mar fhreagra ar iarraidh den sórt sin, glacfaidh an Coimisiún an gníomh cur chun feidhme a luaithe is féidir faoi na cumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 91. Déanfaidh an Coimisiún iarracht Cinneadh a ghlacadh taobh istigh de cheithre seachtaine tar éis na hiarrata.

B. Próisis saibhrithe

1. Ní dhéanfar an méadú i neart alcóil nádúrtha de réir toirte dá bhforáiltear i Roinn A ach amháin:
 - (a) i gcás fionchaor úr, úrfhíona fionchaor faoi choipeadh nó fiona nua atá fós faoi choipeadh, trí shiúcros, úrfhíon fionchaor tiubhaithe nó úrfhíon fionchaor tiubhaithe coigeartaithe a chur leis;
 - (b) i gcás úrfhíona fionchaor, trí shiúcros, úrfhíon fionchaor tiubhaithe nó úrfhíon fionchaor tiubhaithe coigeartaithe a chur leis, nó trí thiúchan páirteach, lena n-áirítear cúlosmóis;
 - (c) i gcás fiona, trí thiúchan páirteach trí fhuarú.
2. Beidh na próisis dá dtagraítear i bpointe 1 comheisiatach i gcás ina bhfuil fion nó úrfhíon fionchaor saibhrithe le húrghíon fionchaor tiubhaithe nó úrfhíon fionchaor tiubhaithe coigeartaithe agus inar íocadh cabhair faoi Airteagal 103y de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007.
3. Ní ceadmhach an siúcros dá bhforáiltear i bpointí 1(a) agus (b) a chur leis ach amháin trí thirimshiúcra agus sna limistéir seo a leanas:
 - (a) crios fionsaothrúcháin A;
 - (b) crios fionsaothrúcháin B;
 - (c) crios fionsaothrúcháin C,

cé is moite d'fhionghoirt, sa Ghréig, sa Spáinn, san Iodáil, sa Chipir, sa Phortaingéil, agus fionghoirt i ranna na Fraince atá faoi dhlinse na gcúirteanna achomhairc in:

— Aix-en-Provence,

— Nîmes,

— Montpellier,

— Toulouse,

— Agen,

- Pau,
- Bordeaux,
- Bastia.

Féadfaidh na húdaráis náisiúnta saibhríú trí thirimshiúcrú a údarú, áfach, mar eisceacht sna ranna thuasluaite sa Fhrainc. Tabharfaidh an Fhrainc fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi aon údarú den sórt sin.

4. Ní mhéadófar toirt tosaigh fionchaor brúite úr, úrfhíona fionchaor, úrfhíona fionchaor faoi choipeadh nó fíona nua atá fós faoi choipeadh, mar thoradh ar úrfhíon fionchaor tiubhaithe nó úrfhíon fionchaor tiubhaithe coigeartaithe a chur leo, faoi níos mó ná 11 % i gcrios fionsaothrúcháin A, 8 % i gcrios fionsaothrúcháin B agus 6,5 % i gcrios fionsaothrúcháin C.
5. I gcás tiúchana úrfhíona fionchaor nó fíona a chuaigh trí na próisis dá dtagraítear i bpointe 1:
 - (a) ní laghdófar toirt tosaigh na dtáirgí sin faoi níos mó ná 20 %;
 - (b) d'ainneoin phointe 2(c) de Roinn A, ní mhéadóidh sé neart alcóil nádúrtha na dtáirgí seo faoi níos mó ná 2 % de réir toirte.
6. Ní dhéanfaidh na próisis dá dtagraítear i bpointe 1 agus i bpointe 5 an neart alcóil iomlán de réir toirte, i gcás na bhfionchaor úr, úrfhíona fionchaor, úrfhíona fionchaor faoi choipeadh, fíona nua atá fós faoi choipeadh, nó fíona, a mhéadú thar na céatadán seo a leanas de réir toirte:
 - (a) 11,5 % i gcrios fionsaothrúcháin A;
 - (b) 12 % i gcrios fionsaothrúcháin B;
 - (c) 12,5 % i gcrios fionsaothrúcháin C I;
 - (d) 13 % i gcrios fionsaothrúcháin C II; agus
 - (e) 13,5 % i gcrios fionsaothrúcháin C III.
7. De mhaolú ar phointe 6, féadfaidh Ballstáit an méid a leanas a dhéanamh:
 - (a) maidir le fíon dearg, uasteorainn neart alcóil iomlán de réir toirte na dtáirgí dá dtagraítear i bpointe 6 a ardú go 12 % de réir toirte i gcrios fionsaothrúcháin A agus go 12,5 % de réir toirte i gcrios fionsaothrúcháin B;
 - (b) maidir le táirgeadh fionta le sonrúcháin tionscnaimh, neart alcóil iomlán na dtáirgí dá dtagraítear i bpointe 6 a ardú de réir toirte go leibhéal atá le cinneadh ag Ballstáit.

C. Aigéadú agus dí-aigéadú

1. D'fhéadfaidh fionchaora úra, úrfhíon fionchaor, úrfhíon fionchaor faoi choipeadh, fíon nua atá fós faoi choipeadh, agus fíon a bheith faoi réir na rudaí seo a leanas:
 - (a) dí-aigéadú i gcriosanna fionsaothrúcháin A, B agus C I;
 - (b) aigéadú agus dí-aigéadú i gcriosanna fionsaothrúcháin C I, C II agus C III (a), gan dochar do phointe 7; nó
 - (c) aigéadú i gcrios fionsaothrúcháin C III (b).
2. Féadfar na táirgí, seachas fíon, dá dtagraítear i bpointe 1 a aigéadú suas le 1,50 g/l ar a mhéid a shloinntear mar aigéad tartarach, nó 20 milleachóibhéis in aghaidh an lítir.
3. Féadfar fionta a aigéadú suas le 2,50 g/l ar a mhéid a shloinntear mar aigéad tartarach, nó 33,3 milleachóibhéis in aghaidh an lítir.
4. Féadfar fíon a dhí-aigéadú suas le 1 g/l ar a mhéid a shloinntear mar aigéad tartarach, nó 13,3 milleachóibhéis in aghaidh an lítir.
5. Féadfar úrfhíon fionchaor atá beartaithe do thiúchan a dhí-aigéadú go páirteach.

6. D'ainneoin phointe 1, i mblianta ina bhfuil dálaí aeráide eisceachtúla, féadfaidh Ballstáit aigéadú na dtáirgí dá dtagraítear i bpointe 1 a údarú i gcriosanna fionsaothrúcháin A agus B, faoi na coinníollacha dá dtagraítear i bpointí 2 agus 3.
7. Beidh aigéadú agus saibhriú, ach amháin trí mhaolú atá le glacadh ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 75(2), agus beidh aigéadú agus dí-aigéadú an táirge chéanna, ina bpróisis chomheisiatacha.

D. Próisis

1. Ní bheidh aon cheann de na próisis dá dtagraítear i Ranna B agus C údaraithe, cé is moite d'aigéadú agus dí-aigéadú fionta, mura ndéantar iad faoi choinníollacha atá le cinneadh ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 75(2), nuair atá fíon nó aon deoch eile ó earnáil an fhíona a ceapadh lena chaitheamh ag an duine, seachas fíon súilíneach nó fíon súilíneach aeraithe sa chrios fionsaothrúcháin inar saothraíodh na fíonchaora úra a úsáideadh, á dhéanamh as fíonchaora úra, úrfhíon fíonchaor, úrfhíon fíonchaor faoi choipeadh nó fíon nua atá fós faoi choipeadh.
2. Tarlóidh tiúchan na bhfionta sa chrios fionsaothrúcháin inar saothraíodh na fíonchaora úra a úsáideadh.
3. Ní tharlóidh aigéadú ná dí-aigéadú fionta ach amháin agus fíon á dhéanamh agus sa chrios fionsaothrúcháin inar saothraíodh na fíonchaora a úsáideadh chun an fíon atá i gceist a tháirgeadh.
4. Cuirfear na húdaráis inniúla ar an eolas maidir le gach ceann de na próisis dá dtagraítear i bpointí 1, 2 agus 3. Déanfar amhlaidh freisin maidir leis na cainníochtaí úrfhíona fíonchaor tiubhaithe, úrfhíona fíonchaor tiubhaithe coigeartaithe nó siúcraí a bhíonn á gcoinneáil ag daoine nó grúpaí daoine dlíthiúla nó nádúrtha i bhfeidhmiú a ngairme, go háirithe táirgeoirí, buidéalaithe, próiseálaithe agus ceannaithe, atá le socrú ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 75(2), ag an am céanna agus san áit chéanna le fíonchaora úra, úrfhíon fíonchaor, úrfhíon fíonchaor faoi choipeadh nó fíon ar an mórchóir. Féadfar na cainníochtaí seo a iontráil i gclár earraí isteach agus úsáid stoic seachas iad a fhógairt, áfach.
5. Déanfar gach ceann de na próisis dá dtagraítear i Ranna B agus C a thaifeadadh ar an doiciméad faoi iamh, mar a fhoráiltear in Airteagal 147, a bhfuil na táirgí a chuaigh trí na próisis curtha i gcúrsaíocht i gcomhréir leis.
6. Ní dhéanfar na próisis sin dá dtagraítear i Roinn B agus Roinn C, faoi réir maoluithe a bhfuil údar tugtha leo ag dálaí aeráide eisceachtúla, a chur i gcrích:
 - (a) tar éis an 1 Eanáir i gcrios fionsaothrúcháin C;
 - (b) tar éis an 16 Márta i gcriosanna fionsaothrúcháin A nó B, agus ní dhéanfar iad ach amháin le haghaidh táirgí an fhómhair fíonchaor díreach roimh na dátaí sin.
7. D'ainneoin phointe 6, is féidir tiúchan trí fhuarú agus aigéadú agus dí-aigéadú fionta a dhéanamh i rith na bliana.

CUID II

Srianta

A. Faisnéis Ghinearálta

1. Ní chuirfear uisce sa bhreis leis an táirge in aon chleachtas fíoneolaíochta údaraithe, ach amháin i gcás inar gá leis mar gheall ar riachtanas teicniúil sonrath.
2. Ní chuirfear alcól sa bhreis leis an táirge in aon chleachtas fíoneolaíochta, ach amháin i gcás cleachtas a bhaineann le húrghíon fíonchaor úr a fháil ina stophtar coipeadh trí alcól, fíon licéir, fíon súilíneach, fíon treisithe i gcomhair dríogtha agus fíon leathshúilíneach a chur leis.
3. Ní bhainfear úsáid as fíon atá treisithe i gcomhair dríogtha ach amháin i gcomhair dríogtha.

B. Fíonchaora úra, úrfhíon fíonchaor agus sú fíonchaor

1. Ní bhainfear úsáid as úrfhíon fíonchaor úr ina stophtar coipeadh trí alcól a chur leis ach amháin i rith céime ullmhúcháin táirgí nach dtiteann faoi chóid AC 2204 10, 2204 21 agus 2204 29. Tá sin gan dochar d'aon fhoráil níos déine ar féidir le Ballstáit a chur i bhfeidhm ar ullmhúchán táirgí ar a gcríoch féin, ar táirgí iad nach dtiteann faoi chóid AC 2204 10, 2204 21 agus 2204 29.
2. Ní dhéanfar fíon de shú fíonchaor ná de shú fíonchaor tiubhaithe ná ní chuirfear le fíon iad. Ní dhéanfar coipeadh alcólach orthu ar chríoch an Aontais.

3. Ní bhainfidh pointí 1 agus 2 le táirgí atá beartaithe chun táirgí a tháirgeadh, in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe agus sa Pholainn, ar táirgí iad a thagann faoi réir chód AC 2206 00 a bhféadfaidh Ballstáit úsáid comhainm a cheadú ina leith, lena n-áirítear an sonrúchán díolacháin 'fion'.
4. Ní chuirfear úrfhíon fíonchaor faoi choipeadh a uscadh ó fhíonchaora rísínithe ar an margadh ach amháin chun fíonta licéir a mhonarú agus sna limistéir fionsaothrúcháin sin amháin ina raibh an úsáid sin traidisiúnta iontu an 1 Eanáir 1985, agus chun fíonta ó fhíonchaora ró-aibí a mhonarú.
5. Ní ceadmhach táirgí dá dtagraítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a dhéanamh d'fhíonchaora úra, úrfhíon fíonchaor, úrfhíon fíonchaor faoi choipeadh, úrfhíon fíonchaor tiubhaithe, úrfhíon fíonchaor tiubhaithe coigeartaithe, úrfhíon fíonchaor ar cuireadh stop lena choipeadh trí alcól a chur leis, sú fíonchaor, sú fíonchaor tiubhaithe agus fíon, nó meascáin de na táirgí sin, de thionscnamh tríú tíortha, ná ní fhéadfar iad a chur le táirgí den chineál sin i gcriciú an Aontais.

C. Fíonta a mheascadh

Beidh toirmeasc ar chumasc fíona de thionscnamh tríú tír le fíon de chuid an Aontais agus ar chumasc idir fíonta de thionscnamh tríú tíortha, san Aontas.

D. Fotháirgí

1. Beidh toirmeasc ar róbhrú fíonchaor. Cinnfidh Ballstáit, ag cur dálaí áitiúla agus teicniúla san áireamh, an íoschion alcóil a bheidh sa mharc agus sa mhoirt tar éis bhrú na bhfíonchaor.

Déanfaidh na Ballstáit an méid alcóil a bheidh sna fotháirgí seo a chinneadh ag leibhéal atá cothrom ar a laghad le 5 % maidir leis an neart alcóil de réir toirte atá san fhíon a tháirgtear.
2. Seachas alcól, biotáillí agus piquette, ní dhéanfar fíon ná aon deoch eile a ceapadh lena chaitheamh ag an duine a tháirgeadh ó mhoirt fíona nó ó mharc fíonchaor. Ceadófar doirteadh fíona anuas ar mhoirt nó ar mharc fíonchaor nó ar laíon aszú brúite faoi choinníollacha atá le cinneadh ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmiligthe de bhun Airteagal 75(2) i gcás ina n-úsáidtear an cleachtas sin go traidisiúnta chun 'Tokaji fordítás' agus 'Tokaji máslás' a tháirgeadh san Ungáir agus chun 'Tokajský fordítás' agus 'Tokajský máslás' a tháirgeadh sa tSlóvaic.
3. Tá toirmeasc ar bhrú moirte fíona agus athchoipeadh mairc fíonchaor chun críocha eile seachas driogadh nó táirgeadh piquette. Ní mheasfar gur brú atá i gceist le scagadh agus lártheifneoirí moirte fíona i gcás ina bhfuil na táirgí a fhaightear de cháilíocht shlán, fhíor agus indíolta.
4. I gcás ina bhfuil táirgeadh piquette údaraithe ag an mBallstát lena mbaineann, ní bhainfear úsáid as ach amháin chun driogtha nó óil i dteaghlaigh táirgeoirí fíona.
5. Gan dochar don fhéidearthacht go ndéanfaidh Ballstáit cinneadh gur gá fotháirgí a dhiúscairt trí dhriogadh, beidh ceangal ar aon duine nádúrtha nó dlítheanach nó ar aon ghrúpaí daoine nádúrtha nó dlítheanacha a choinníonn fotháirgí iad a dhiúscairt faoi réir coinníollacha atá le cinneadh ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmiligthe de bhun Airteagal 75(2).

IARSCRÍBHINN IX

TÉARMAÍ ROGHNACHA FORCHOIMEÁDTA

Catagóir táirge (tagairt d'aicmiú ainmníochta comhcheangailte)	Téarma roghnach forchoimeáda
feoil éanlaithe (cód AC 0207, agus 0210)	beathaithe le ... % de ... gé a bheathaítear le coirce saothrú fairsing faoi dhíon saor-raon saor-raon traidisiúnta saor-raon – saoirse iomlán aois mharaithe tréimhse ramhraithe
uibheacha (cód AC 0407)	úr rí-úr tásc faoi bheathú na mbéaróg
ola olóige (cód AC 1509)	céadfháscadh fuar eastóscadh fuar aigéadacht géar torthaíoch: aibí nó glas searbh tréan measartha éadrom cothromaithe séimh

IARSCRÍBHINN X

TÉARMAÍ CEANNAIGH DO BHIATAIS, LE LINN NA TRÉIMHSEDÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 125(3)

POINTE I

1. Déanfar na conarthaí seachadta i scríbhinn maidir le cainníocht shonrach biatais chuóta.
2. Féadfaidh fad ilbhliantúil a bheith ag baint leis na conarthaí seachadta.
3. Féadfar a shonrú sna conarthaí seachadta an féidir chainníocht bhreise biatais a sholáthar, agus na téarmaí a bheidh i gceist.

POINTE II

1. Léireofar le conarthaí seachadta praghsanna ceannaithe na gcainníochtaí biatais dá dtagraítear i bPointe I.
2. Beidh feidhm ag an bpraghas dá dtagraítear i mír 1 maidir le biatas siúcra de cháilíocht chaighdeánach atá sainithe i bpointe B d'Iarscríbhinn III.

Cuirfear an praghas in oiriúint do mhéaduithe nó laghduithe i bpraghsanna, arna gcomhaontú ag na compháirtithe roimh ré, sa chaoi go gcuirfear dialltaí ón gcáilíocht chaighdeánach san áireamh.

3. Sonrófar sa chonradh seachadta an chaoi a leithdháilfear eabhlóid na bpraghas margaidh idir na compháirtithe.
4. Leagfar síos le conarthaí seachadta cion siúcra socraithe do bhíatas. Áireofar leo sin scála coinbhéirseachta ina léireofar cion éagsúil siúcra agus gnéithe chun cainníochtaí biatais arna soláthar a thiontú i gcainníochtaí a fhreagraíonn leis an gcion siúcra a léirítear sa chonradh seachadta.

Bunófar an scála ar an táirgeacht a fhreagraíonn le cion éagsúil siúcra.

POINTE III

Beidh forálacha sna conarthaí seachadta a bhaineann le céimniú agus gnáthfhad seachadtaí biatais.

POINTE IV

1. Foráiltear le conarthaí seachadta d'ionaid bailithe biatais agus do na coinníollacha a bhaineann lena sheachadadh agus lena iompar.
2. Foráiltear le conarthaí seachadta go sonrófar go soiléir do fhreagracht maidir le costais lastála agus iompair ó ionaid bhailiúcháin. Maidir le conarthaí seachadta, i gcásanna ina mbeidh sé de cheanglas ar ghnóthais siúcra rannchuidiú le costais lastála agus iompair, sonrófar an céatadán nó an méid rannchuidithe go soiléir.
3. Foráiltear le conarthaí seachadta go sonrófar go soiléir na costais is dual do gach compháirtí.

POINTE V

1. Foráiltear le conarthaí seachadta pointí glactha do bhíatas.
2. Sa chás ina mbeidh conradh seachadta sínithe cheana féin ag díoltóirí biatais agus ag gnóthais siúcra don bhliain mhargaíochta roimhe sin, beidh na pointí glactha atá comhaontaithe eatarthu do sheachadtaí le linn na bliana margáíochta fós i bhfeidhm. Féadfaidh comhaontuithe laistigh den trádáil maolú ón bhforáil seo.

POINTE VI

1. Foráiltear le conarthaí seachadta don chion siúcra a bheidh le cinneadh agus leas á bhaint as an modh polaraiméadrach nó, forbairtí teicneolaíoch a chur san áireamh, as modh eile arna aontú idir an dá chompháirtí. Bainfear sampla biatais tráth an ghlactha.
2. Foráiltear le comhaontuithe laistigh den trádáil, do shamplaí a bheidh le baint ag tráth níos déanaí. Sna cásanna sin, foráiltear do cheartú leis an gconradh seachadta chun cúiteamh a dhéanamh ar aon titim sa chion siúcra idir an sampla a ghlacadh agus a bhaint.

POINTE VII

Foráiltear le conarthaí seachadta don ollmheáchan, don táir agus don chion siúcra a bheidh le cinneadh agus leas á bhaint as na nósanna imeachta arna dteacht ar chomhaontú ina leith:

- (a) i gcomhar a chéile, ag an gnóthas siúcra agus ag eagraíocht trádála na saothraithe biatais, má fhoráiltear amhlaidh i gcomhaontú laistigh den trádáil;
- (b) ag an ngnóthas siúcra, faoi mhaoirsiú eagraíocht trádála na saothraithe biatais;
- (c) ag an ngnóthas siúcra, faoi mhaoirsiú saineolaí atá aitheanta ag an mBallstát lena mbaineann, ar an gcoinníoll go n-íocann an díoltóir biatais na costais maidir leis sin.

POINTE VIII

1. Maidir le conarthaí seachadta, beidh sé de cheanglas ar ghnóthais siúcra ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a dhéanamh do chainníocht iomlán an bhiatais a sheachadtar:
 - (a) an laíon úr a chur ar ais ón tonnáiste biatais a sheachadtar saor in aisce don díoltóir biatais, ón monarcha;
 - (b) cuid den laíon sin a chur ar ais, brúite, triomaithe nó triomaithe agus molásaithe saor in aisce don díoltóir biatais, ón monarcha;
 - (c) an laíon a chur ar ais, brúite nó triomaithe don díoltóir biatais, ón monarcha; sa chás sin, féadfaidh an gnóthas siúcra é a chur de cheanglas ar an díoltóir biatais na costais brúite nó triomaithe a íoc;
 - (d) cúiteamh a íoc leis an díoltóir biatais ina gcuirfear na féidearthachtaí a bheidh ann an laíon lena mbaineann a dhíol san áireamh.
2. Nuair a bheidh codanna den chainníocht iomlán biatais faoi réir cóireáil éagsúil, beidh níos mó ná ceann amháin de na hoibleagáidí a leanas dá bhforáiltear i mir 1 á bhforchur ag an gconradh seachadta.
3. Féadfaidh comhaontuithe laistigh den trádáil foráil a dhéanamh don laíon a sheachadadh ag céim eile seachas sin dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 1.

POINTE IX

Socrófar na teorainneacha ama leis na conarthaí seachadta d'aon réamhíocaíochtaí agus d'íocaíocht praghas ceannaigh an bhiatais.

POINTE X

Sa chás ina leagtar síos rialacha le conarthaí seachadta lena gclúdófar na hábhair a bpléifear san Iarscríbhinn seo, nó sa chás ina mbeidh forálacha iontu ina rialófar ábhair eile, ní bheidh a bhforálacha agus a n-éifeachtaí ag teacht salach ar an Iarscríbhinn seo.

POINTE XI

1. Beidh clásail eadrána sna comhaontuithe laistigh den trádáil mar a chuirtear síos orthu i bpointe 6 de Roinn A de Chuid II d' Iarscríbhinn II
2. Féadfaidh comhaontuithe laistigh den trádáil teimpléad chaighdeánach a leagan síos do chonarthaí seachadta i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le rialacha an Aontais.
3. Sa chás ina leagtar síos rialacha le comhaontuithe laistigh den trádáil ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal réigiúnach nó ar an leibhéal áitiúil lena gclúdófar na hábhair a bpléifear sa Rialachán seo, nó sa chás ina mbeidh forálacha iontu ina rialófar ábhair eile, ní bheidh a bhforálacha agus a n-éifeachtaí ag teacht salach ar an Iarscríbhinn seo.
4. Leagtar síos an méid a leanas go háirithe leis na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 3:
 - (a) an scála coinbhéirseachta dá dtagraítear i bPointe II(4);
 - (b) rialacha maidir le rogha agus soláthar na síolta de na cineálacha biatais a bheidh le táirgeadh;
 - (c) an cion siúcra íosta i mbiatas a bheidh le seachadadh;

- (d) ceanglas maidir le comhar idir an gnóthas siúcra agus ionadaithe na ndíoltóirí biatais roimh thús dáta na seachadtaí biatais a shocrú;
 - (e) íocaíocht préimheanna le díoltóirí biatais do sheachadtaí atá luath nó déanach;
 - (f) sonraí agus coinníollacha agus costais maidir le laíon dá dtagraítear i bPointe VIII;
 - (g) laíon a bhaint ag an díoltóir biatais;
 - (h) rialacha maidir le praghais a leasú i gcásanna ina gcomhaontaítear conarthaí ilbhliantúla;
 - (i) rialacha maidir le samplú agus maidir le modhanna chun ollmheáchan, táir agus cion siúcra a chinneadh.
-

IARSCRÍBHINN XI

TÉARMAÍ CEANNAIGH DO BHIATAIS, LE LINN NA TRÉIMHSE DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 124

POINTE I

1. Déanfar na conarthaí seachadta i scríbhinn maidir le cainníocht shonrach biatais chuóta.
2. Sonrófar le conarthaí seachadta an féidir chainníocht bhreise biatais a sholáthar, agus cad iad na téarmaí a bheidh i gceist.

POINTE II

1. Léireofar le conarthaí seachadta praghsanna ceannaithe na gcainníochtaí biatais dá dtagraítear i bpointe (a) agus, más iomchuí, pointe (b) d'Airteagal 127(2). I gcás na gcainníochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 127(2), ní fhéadfaidh na praghsanna sin bheith níos lú ná an praghas íosta do bhiatas cuóta dá dtagraítear in Airteagal 135.
2. Leagfar síos le conarthaí seachadta cion siúcra socraithe do bhiatas. Áireofar leo sin scála coinbhéirseachta ina léireofar cion éagsúil siúcra agus gnéithe chun cainníochtaí biatais arna soláthar a thiontú i gcainníochtaí a fhreagraíonn leis an gcion siúcra a léirítear sa chonradh seachadta.

Bunófar an scála ar an táirgeacht a fhreagraíonn le cion éagsúil siúcra.

3. Sa chás ina bhfuil conradh seachadta sínithe ag díoltóir biatais le gnóthas siúcra chun biatas a sheachadadh dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 127(2a), measfar gach seachadadh ón díoltóir sin, atá tiontaithe i gcomhréir le mír 2 den Phointe seo, mar sheachadtaí de réir bhrí phointe (a) d'Airteagal 127(2), suas go dtí an chainníocht biatais a shonraítear sa chonradh seachadta.
4. Maidir leis na gnóthais siúcra a tháirgeann cainníocht siúcra níos ísle ná a mbiatas cuóta atá conarthaí réamhchurtha seachadta sínithe acu faoi phointe (a) d'Airteagal 127(2), dáilfidh siad an chainníocht biatais a fhreagraíonn d'aon táirgeadh breise suas go méid a gcúota i measc na ndíoltóirí biatais a bhfuil conarthaí réamhchurtha seachadta sínithe acu leo de réir bhrí phointe (a) d'Airteagal 127(2).

Féadfaidh comhaontuithe laistigh den trádáil maolú ón bhforáil seo.

POINTE III

1. Beidh forálacha sna conarthaí seachadta a bhaineann le céimniú agus gnáthfhad seachadtaí biatais.
2. Is éard a bheidh sna forálacha dá dtagraítear i mír 1, iad sin is infheidhme le linn na bliana margaióchta roimhe sin, agus leibhéal na táirgeachta iarbhrí á chur san áireamh; féadfaidh comhaontuithe laistigh den trádáil maolú uatha sin.

POINTE IV

1. Foráiltear d'ionaid bailithe biatais le conarthaí seachadta.
2. Sa chás ina mbeidh conradh seachadta sínithe cheana féin ag díoltóirí biatais agus ag gnóthais siúcra don bhliain mhargaíochta roimhe sin, beidh na hionaid bhailiúcháin atá comhaontaithe eatarthu do sheachadtaí le linn na bliana margaióchta fós i bhfeidhm. Féadfaidh comhaontuithe laistigh den trádáil maolú ón bhforáil seo.
3. Foráiltear le conarthaí seachadta, gurb é an gnóthas siúcra a íocfaidh as na costais lastála agus iompair, faoi réir comhaontuithe speisialta a bheidh bunaithe ar na rialacha nó na húsáidí áitiúla atá i bhfeidhm roimh an mbliain mhargaíochta roimhe sin.
4. Mar sin féin, sa Danmhairg, in Éirinn sa Ghréig, Sa Spáinn, sa Phortaingéil, san Fhionlainn agus sa Ríocht Aontaithe, áit a bhfuil biatas á sheachadadh saor ón monarcha, maidir le conarthaí seachadta, beidh sé de cheanglas ar ghnóthais siúcra rannchuidiú leis na costais lastála agus iompair agus leagfar síos an céatadán nó an méid.

POINTE V

1. Foráiltear le conarthaí seachadta pointí glactha do bhiatas.
2. Sa chás ina mbeidh conradh seachadta sínithe cheana féin ag díoltóirí biatais agus ag gnóthais siúcra don bhliain mhargaíochta roimhe sin, beidh na pointí glactha atá comhaontaithe eatarthu do sheachadtaí le linn na bliana margaióchta fós i bhfeidhm. Féadfaidh comhaontuithe laistigh den trádáil maolú ón bhforáil seo.

POINTE VI

1. Foráiltear le conarthaí seachadta don chion siúcra a bheidh le cinneadh agus leas á bhaint as an modh polaraiméadrach. Bainfear sampla biatais tráth an ghlactha.
2. Foráiltear le comhaontuithe laistigh den trádáil, do shamplaí a bheidh le baint ag tráth níos déanaí. Sna cásanna sin, foráiltear do cheartú leis an gconradh seachadta chun cúiteamh a dhéanamh ar aon titim sa chion siúcra idir an sampla a ghlacadh agus a bhaint.

POINTE VII

Foráiltear le conarthaí seachadta don ollmheáchan, don táir agus don chion siúcra a bheidh le cinneadh agus leas á bhaint as na nósanna imeachta a leanas:

- (a) i gcomhar a chéile, ag an gnóthas siúcra agus ag eagraíocht trádála na saothraithe biatais, dá bhforáiltear i gcomhaontú laistigh den trádáil;
- (b) ag an ngnóthas siúcra, faoi mhaoirsiú eagraíocht trádála na saothraithe biatais;
- (c) ag na gnóthais siúcra, faoi mhaoirsiú saineolaí atá aitheanta ag an mBallstát lena mbaineann, ar an gcoinníoll go n-íocann an díoltóir biatais na costais maidir leis sin.

POINTE VIII

1. Maidir le conarthaí seachadta, beidh sé de cheanglas ar ghnóthais siúcra ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a dhéanamh do chainníocht iomlán an bhiatais a sheachadtar:
 - (a) an laíon úr a chur ar ais ón tonnáiste biatais a sheachadtar saor in aisce don díoltóir biatais, ón monarcha;
 - (b) cuid den laíon sin a chur ar ais, brúite, triomaithe nó triomaithe agus molásaithe saor in aisce don díoltóir biatais, ón monarcha;
 - (c) an laíon a chur ar ais, brúite nó triomaithe don díoltóir biatais, ón monarcha; sa chás sin, féadfaidh an gnóthas siúcra é a chur de cheanglas ar an díoltóir biatais na costais brúite nó triomaithe a íoc;
 - (d) cúiteamh a íoc leis an díoltóir biatais ina gcuirfear na féidearthachtaí a bheidh ann an laíon lena mbaineann a dhíol san áireamh.
2. Nuair a bheidh codanna den chainníocht iomlán biatais faoi réir cóireáil éagsúil, beidh níos mó ná ceann amháin de na hoibleagáidí a leanas dá bhforáiltear i mír 1 á bhforchur ag an gconradh seachadta.
3. Féadfaidh comhaontuithe laistigh den trádáil foráil a dhéanamh don laíon a sheachadadh ag céim eile seachas sin dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 1.

POINTE IX

1. Socrófar na teorainneacha ama leis na conarthaí seachadta d'aon réamhíocaíochtaí agus d'íocaíocht praghas ceannaigh an bhiatais.
2. Is iad na teorainneacha ama dá dtagraítear i mír 1, na cinn sin atá bailí sa bhliain mhargaíochta roimhe sin. Féadfaidh comhaontuithe laistigh den trádáil maolú ón bhforáil seo.

POINTE X

Sa chás ina leagtar síos rialacha le conarthaí seachadta lena gclúdófar na hábhair a bpléifear san Iarscríbhinn seo, nó sa chás ina mbeidh forálacha iontu ina rialófar ábhair eile, ní bheidh a bhforálacha agus a n-éifeachtaí ag teacht salach ar an Iarscríbhinn seo.

POINTE XII

1. Beidh clásail eadrána sna comhaontuithe laistigh den trádáil mar a chuirtear síos orthu i bpointe 6 de Roinn A de Chuid II d'Iarscríbhinn II.
2. Sa chás ina leagtar síos rialacha le comhaontuithe laistigh den trádáil ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal réigiúnach nó ar an leibhéal áitiúil lena gclúdófar na hábhair a bpléifear sa Rialachán seo, nó sa chás ina mbeidh forálacha iontu ina rialófar ábhair eile, ní bheidh a bhforálacha agus a n-éifeachtaí ag teacht salach ar an Iarscríbhinn seo.

3. Leagtar síos an méid a leanas go háirithe leis na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 2:
- (a) rialacha maidir le dáileadh ar dhíoltóirí biatais cainníochtaí biatais a ndéanann an gnóthas siúcra cinneadh iad a cheannach roimh iad a chur, chun siúcra a mhonarú de réir an chuóta;
 - (b) rialacha maidir le dáileadh dá dtagraítear i bPointe II(4);
 - (c) an scála coinbhéirseachta dá dtagraítear i bPointe II(2);
 - (d) rialacha maidir le rogha agus soláthar na síolta de na cineálacha biatais a bheidh le táirgeadh;
 - (e) an cion siúcra íosta i mbiatas a bheidh le seachadadh;
 - (f) ceanglas maidir le comhar idir an gnóthas siúcra agus ionadaithe na ndíoltóirí biatais roimh thúsdata na seachadtaí biatais a shocrú;
 - (g) íocaíocht préimheanna le díoltóirí biatais do sheachadtaí atá luath nó déanach;
 - (h) sonraí faoin méid a leanas:
 - (i) an chuid den laíon dá dtagraítear i bPointe VIII(1)(b),
 - (ii) na costais dá dtagraítear i bPointe VIII (1)(c),
 - (iii) an cúiteamh dá dtagraítear i bPointe VIII(1)(d);
 - (i) laíon a bhaint ag an díoltóir biatais;
 - (j) gan dochar d'Airteagal 135, rialacha maidir leis an mbealach a leithdháiltear aon difríocht idir an tairseach thagartha agus an praghas díolachán iarbhrí idir an gnóthas siúcra agus na díoltóirí biatais.

POINTE XII

I gcás nach bhfuil aon chomhaontú socraithe laistigh den trádáil faoin mbealach ar cheart na cainníochtaí biatais a bheartaítear chun siúcra a mhonarú de réir na dteorainneacha cuóta a ndéanann an gnóthas siúcra tairiscint lena gceannach sula gcuirfead iad a leithdháileadh i measc na ndíoltóirí biatais, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann rialacha den leithdháileadh sin a leagan síos é féin.

Féadfar cearta seachadta a dheonú leis na rialacha sin do dhíoltóirí traidisiúnta biatais le comharchumann seachas na cearta sin a mbeadh acu dá mbeidís mar bhall de na comharchumainn sin.

IARSCRÍBHINN XII

CUÓTAÍ NÁISIÚNTA AGUS RÉIGIÚNACHA MAIDIR LE TÁIRGEADH SIÚCRA, ISEAGLÚCÓIS AGUS SÍORÓIPE IONÚILINE DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 136

Ballstáit nó réigiúin (1)	(i dtonaí)		
	Siúcra (2)	Iseaglúcós (3)	Síoróip ionúiline (4)
An Bheilg	676 235,0	114 580,2	0
An Bhulgáir	0	89 198,0	
Poblacht na Seice	372 459,3		
An Danmhairg	372 383,0		
An Ghearmáin	2 898 255,7	56 638,2	
Éire	0		
An Ghréig	158 702,0	0	
An Spáinn	498 480,2	53 810,2	
An Fhrainc (meitrepolaiteach)	3 004 811,15		0
Ranna Francacha thar lear	432 220,05		
An Chróit	192 877,0		
An Iodáil	508 379,0	32 492,5	
An Laitvia	0		
An Liotuáin	90 252,0		
An Ungáir	105 420,0	250 265,8	
An Ísiltír	804 888,0	0	0
An Ostair	351 027,4		
An Pholainn	1 405 608,1	42 861,4	
An Phortaingéil (an mhórhír)	0	12 500,0	
Réigiún Féinlathach na nAsór	9 953,0		
An Rómáin	104 688,8	0	
An tSlóivéin	0		
An tSlóvaic	112 319,5	68 094,5	
An Fhionlainn	80 999,0	0	
An tSualainn	293 186,0		
An Ríocht Aontaithe	1 056 474,0	0	
IOMLÁN	13 529 618,2	720 440,8	0

IARSCRÍBHINN XIII

RIALACHA MIONSONRAITHE MAIDIR LE HAISTRUITHE DE CHUÓTAÍ SIÚCRA NÓ ISEAGLÚCÓIS I gCOMHRÉIR LE HAIRTEAGAL 138

POINTE 1

Chun críocha na hlarscríbhinne seo:

- (a) Ciallaíonn 'cumasc gnóthas' comhdhlúthú dhá ghnóthas nó níos mó ina ghnóthas aonair;
- (b) Ciallaíonn 'aistriú gnóthais' aistriú nó glacadh sócmhainní gnóthais a bhfuil cuóta aige chuig gnóthas amháin nó níos mó;
- (c) Ciallaíonn 'aistriú monarcha' úinéireacht aonaid theicniúil a aistriú, lena n-áirítear an gléasra go léir atá riachtanach chun an táirge lena mbaineann a mhonarú, chuig gnóthas amháin nó níos mó, agus déantar táirgeacht iomlán an ghnóthais atá i mbun an aistrithe seo a ghlacadh i bpáirt nó go hiomlán mar thoradh;
- (d) Ciallaíonn 'léas monarcha' conradh léasachta le haghaidh aonaid theicniúil lena n-áirítear an gléasra go léir atá riachtanach chun siúcra a mhonarú, d'fhonn é a oibriú, arna thabhairt i gcrích do thréimhse 3 bliana margaióchta as a chéile ar a laghad, agus ina chomhaontaíonn na páirtithe nach ndéanfaidh siad é a fhoirceannadh roimh dheireadh na trí bliana margaióchta, le gnóthas atá bunaithe sa Bhallstát céanna leis an monarcha lena mbaineann, más féidir glacadh leis an gnóthas a thógann an monarcha ar cíos mar ghnóthas a tháirgeann siúcra amháin dá tháirgeadh iomlán, i ndiaidh don léas teacht i bhfeidhm.

POINTE II

1. Gan dochar do mhír 2, i gcás ina ndéantar gnóthas a tháirgeann siúcra a chumasc nó a aistriú nó go ndéantar monarchana siúcra a aistriú, déanfar an cuóta a choigeartú mar a leanas:
 - (a) i gcás ina ndéantar cumasc idir gnóthais a tháirgeann siúcra, déanfaidh na Ballstáit cuóta a leithdháileadh ar an ngnóthas a bhíonn ann de thoradh an chumaisc, a bheidh comhionann le suim na gcúótaí arna leithdháileadh roimh an gcumasc ar na gnóthais táirgthe siúcra lena mbaineann;
 - (b) i gcás ina ndéantar gnóthas táirgthe siúcra a aistriú, déanfaidh an Ballstát cuóta an ghnóthais aistrithe a leithdháileadh ar an ngnóthas aistrí chun siúcra a tháirgeadh nó, má tá níos mó ná gnóthas aistrí amháin ann, déanfar an leithdháileadh i gcomhréir leis an táirgeadh siúcra arna ghlacadh ag gach ceann díobh;
 - (c) i gcás ina ndéantar monarcha siúcra a aistriú, laghdóidh an Ballstát cuóta an ghnóthais a bhfuil úinéireacht na monarchan á haistriú aige agus méadóidh sé cuóta an ghnóthais/na ngnóthas táirgthe siúcra a bhfuil an mhonarcha atá i gceist á ceannach aige/acu de réir na cainníochta a bhaintear i gcomhréir leis an táirgeadh arna ghlacadh.
2. I gcás ina léiríonn roinnt saothraithe cána nó biatais siúcra, a ndeachaigh ceann de na hoibríochtaí dá dtagraítear i mír 1 i bhfeidhm go díreach orthu, a dtoilteanas a mbiatas nó a gcána a sholáthar do ghnóthas táirgthe siúcra nach bhfuil ina pháirtí de na hoibríochtaí sin, go sainráite, féadfaidh an Ballstát an leithdháileadh a dhéanamh ar bhonn an táirgthe a ghlacann an gnóthas dá bhfuil sé beartaithe acu a mbiatas nó a gcána a sholáthar.
3. I gcás ina ndúntar ceann díobh seo a leanas, i ndálaí eile seachas na cinn dá dtagraítear i bpointe 1:
 - (a) gnóthas táirgthe siúcra,
 - (b) monarcha amháin nó níos mó de chuid gnóthais táirgthe siúcra.

Féadfaidh an Ballstát an chuid de na cúótaí a bhaineann leis an dúnadh sin a leithdháileadh ar ghnóthas táirgthe siúcra amháin nó níos mó.

Sa chás dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír, ina léiríonn roinnt saothraithe lena mbaineann, go sainráite, a dtoilteanas a mbiatas nó a gcána a sholáthar do ghnóthas táirgthe siúcra áirithe, féadfaidh an Ballstát an cion de na cúótaí a chomhfhreagraíonn don bhíatas nó don chána lena mbaineann a leithdháileadh leis an ngnóthas dá bhfuil sé beartaithe acu na táirgí sin a sholáthar.

4. I gcás ina ndéantar an maolú dá dtagraítear in Airteagal 127(5) a agairt, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann ceangal a chur ar na saothraithe biatais agus ar na gnóthais shiúcra lena mbaineann an maolú sin clásail speisialta a chuimsiú ina gcomhaontuithe laistigh den trádáil a chuireann ar chumas an Bhallstáit mír 2 agus mír 3 den Phointe seo a chur i bhfeidhm.

5. I gcás ina ndéantar monarcha de chuid gnóthais táirgthe siúcra a léasú, féadfaidh an Ballstát cuóta an ghnóthais atá ag tairiscint na monarchan ar cíos a laghdú agus an chuid faoinar laghdaíodh an cuóta a leithdháileadh leis an ngnóthas a thógann an mhonarcha ar cíos d'fhonn siúcra a tháirgeadh ann.

Má chuirtear deireadh leis an léas le linn na tréimhse trí bliana margaióchta dá dtagraítear i bpointe I (d) ansin déanfaidh an Ballstát an coigeartú cuóta faoin gcéad fhomhír den phointe seo a chur ar ceal go haisghníomhach amhail an dáta a tháinig an léas i bhfeidhm. Mar sin féin, má chuirtear deireadh leis an léas de bharr force majeure, ní bheidh sé de cheangal ar an mBallstát an coigeartú a chur ar ceal.

6. I gcás nach féidir le gnóthas táirgthe siúcra a áirithiú a thuilleadh go gcomhlíonfaidh sé a oibleagáidí faoi reachtaíocht an Aontais maidir leis na saothraithe biatais siúcra nó cána lena mbaineann, agus i gcás ina bhfuair údarás inniúla an Bhallstáit lena mbaineann amach faoi sin, féadfaidh an Ballstát sin an chuid de na cuótaí atá i gceist a leithdháileadh, le haghaidh bliana margaióchta amháin nó níos mó, ar ghnóthas táirgthe siúcra amháin nó níos mó i gcomhréir leis an táirgeadh arna ghlacadh acu.
7. I gcás ina ndéanfaí Ballstát ráthaíochtaí margaidh agus praghais do ghnóthas táirgthe siúcra maidir le biatas siúcra a phróiseáil go hálcool eitile, féadfaidh an Ballstát sin, i gcomhaontú leis an ngnóthas sin agus leis na saothraithe biatais lena mbaineann, cuid de na cuótaí táirgthe siúcra, nó iad go léir, a leithdháileadh ar ghnóthas amháin eile nó níos mó le haghaidh bliana margaióchta amháin nó níos mó.

POINTE III

I gcás ina ndéantar gnóthais táirgthe iseaghlúcóis nó monarcha táirgthe iseaghlúcóis a chumasc nó a aistriú, féadfaidh an Ballstát na cuótaí atá i gceist do tháirgeadh iseaghlúcóis a leithdháileadh ar ghnóthas amháin eile nó níos mó, cibé acu atá cuóta táirgthe acu nó nach bhfuil.

POINTE IV

Ní féidir leis na bearta a ghlactar de bhun Phointe II agus Phointe III teacht i bhfeidhm mura gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) cuirtear leasanna gach ceann de na páirtithe lena mbaineann san áireamh;
- (b) measann an Ballstát lena mbaineann gur dóchúil go gcuirfidh siad feabhas ar struchtúr na n-earnálacha biatais, cána agus táirgthe siúcra;
- (c) baineann siad le gnóthais atá bunaithe sa chríoch chéanna dá bhfuil an cuóta socraithe in Iarscríbhinn XII.

POINTE V

Má tharlaíonn an cumasc nó an t-aistriú idir 1 Deireadh Fómhair agus 30 Aibreán sa bhliain ina dhiaidh sin, tiocfaidh na bearta dá dtagraítear i bPointe II agus i bPointe III i bhfeidhm don bhliain mhargaíochta reatha.

Má tharlaíonn an cumasc nó an t-aistriú idir 1 Bealtaine agus 30 Meán Fómhair sa bhliain chéanna, tiocfaidh na bearta dá dtagraítear i bPointe II agus i bPointe III i bhfeidhm don bhliain mhargaíochta ina dhiaidh sin.

POINTE VI

I gcás ina gcuirtear Pointe II agus Pointe III i bhfeidhm, cuirfidh Ballstáit na cuótaí coigeartaithe in iúl don Choimisiún tráth nach déanaí ná 15 lá i ndiaidh dháta éagtha na dtréimhsí dá dtagraítear i Roinn V.

IARSCRÍBHINN XIV

TÁBLA COMHGHAOIL DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 230

Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007	An Rialachán seo	Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013
Airteagal 1	Airteagal 1	—
Airteagal 2(1)	Airteagal 3(1) and (2)	—
Airteagal 2(2)(a) agus (b)	—	—
Airteagal 2(2)(c)	Airteagal 15(1)(a)	—
Airteagal 3	Airteagal 6	—
Airteagal 4	—	—
Airteagal 5, an chéad mhír	—	—
Airteagal 5, an dara mír, an chéad chuid	Airteagal 3(4)	—
Airteagal 5, an dara mír, an dara cuid	—	—
Airteagal 5, an tríú mír	Airteagal 5(a)	—
Airteagal 6	—	—
Airteagal 7	Airteagal 9	—
Airteagal 8	Airteagal 7	—
Airteagal 9	Airteagal 126	—
Airteagal 10	Airteagal 11	—
Airteagal 11	Airteagal 12	—
Airteagal 12	Airteagal 13	—
Airteagal 13	Airteagal 14 ⁽¹⁾	—
Airteagal 14 (scriostascríosta)	—	—
Airteagal 15 (scriosta)	—	—
Airteagal 16 (scriosta)	—	—
Airteagal 17 (scriosta)	—	—
Airteagal 18(1) go(4)	Airteagal 15(2) ⁽¹⁾	—
Airteagal 18(5)	—	—
Airteagal 19 (scriosta)	—	—
Airteagal 20 (scriosta)	—	—
Airteagal 21 (scriosta)	—	—
Airteagal 22 (scriosta)	—	—
Airteagal 23 (scriosta)	—	—
Airteagal 24 (scriosta)	—	—
Airteagal 25	Airteagal 16(1)	—

Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007	An Rialachán seo	Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013
Airteagal 26	—	—
Airteagal 27	—	—
Airteagal 28	—	—
Airteagal 29	—	—
Airteagal 30 (scriosta)	—	—
Airteagal 31	Airteagal 17	—
Airteagal 32	—	—
Airteagal 33	[Airteagal 18]	—
Airteagal 34	[Airteagal 18]	—
Airteagal 35 (scriosta)	—	—
Airteagal 36 (scriosta)	—	—
Airteagal 37	[Airteagal 18]	—
Airteagal 38	[Airteagal 18]	—
Airteagal 39	[Airteagal 19(3)]	—
Airteagal 40	[Airteagal 19(5)(a) agus Airteagal 20(o)(iii)]	—
Airteagal 41	—	—
Airteagal 42(1)	Airteagal 10	—
Airteagal 42(2)	Airteagal 20(u)	—
Airteagal 43(a) go (f), (i), (j) agus (l)	Airteagail 19 agus 20	—
Airteagal 43(g), (h) agus (k)	—	—
Airteagal 44	Airteagal 220(1)(a), (2) agus (3)	—
Airteagal 45	Airteagal 220(1)(b), (2) agus (3)	—
Airteagal 46(1)	Airteagal 220(5)	—
Airteagal 46(2)	Airteagal 220(6)	—
Airteagal 47	Airteagal 219	—
Airteagal 48	Airteagal 219	—
Airteagal 49	Airteagal 135 (1)	—
Airteagal 50	Airteagail 125 agus 127	—
Airteagal 51	Airteagal 128 (1)	—
Airteagal 52	Airteagal 130	—
Airteagal 52a	—	—
Airteagal 53(a)	Airteagal 132(c)	—
Airteagal 53(b)	Airteagal 130(2)	—
Airteagal 53(c)	Airteagal 130(6)	—

Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007	An Rialachán seo	Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013
Airteagal 54	Airteagal 166	—
Airteagal 55	— ⁽²⁾	—
Airteagal 56	Airteagal 136	—
Airteagal 57	Airteagal 137	—
Airteagal 58	—	—
Airteagal 59	—	—
Airteagal 60	Airteagal 138	—
Airteagal 61	Airteagal 139	—
Airteagal 62	Airteagal 140	—
Airteagal 63	Airteagal 141	—
Airteagal 64(1)	Airteagal 142(1)	—
Airteagal 64(2) agus (3)	Airteagal 142(2) ⁽¹⁾	—
Airteagal 65	— ⁽²⁾	—
Airteagal 66	—	—
Airteagal 67	—	—
Airteagal 68	—	—
Airteagal 69	—	—
Airteagal 70	—	—
Airteagal 71	—	—
Airteagal 72	—	—
Airteagal 73	—	—
Airteagal 74	—	—
Airteagal 75	—	—
Airteagal 76	—	—
Airteagal 77	—	—
Airteagal 78	—	—
Airteagal 79	—	—
Airteagal 80	—	—
Airteagal 81	—	—
Airteagal 82	—	—
Airteagal 83	—	—
Airteagal 84	—	—
Airteagal 84a	—	—
Airteagal 85(a)	Airteagal 143(1) agus Airteagal 144(a)	—
Airteagal 85(b)	Airteagal 144(j)	—

Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007	An Rialachán seo	Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013
Airteagal 85(c)	Airteagal 144(i)	—
Airteagal 85(d)	—	—
Airteagal 85a	— ⁽¹⁾	—
Airteagal 85b	— ⁽¹⁾	—
Airteagal 85c	— ⁽¹⁾	—
Airteagal 85d	— ⁽¹⁾	—
Airteagal 85e	— ⁽¹⁾	—
Airteagal 85f	— ⁽¹⁾	—
Airteagal 85g	— ⁽¹⁾	—
Airteagal 85h	— ⁽¹⁾	—
Airteagal 85i	— ⁽¹⁾	—
Airteagal 85j	— ⁽¹⁾	—
Airteagal 85k	— ⁽¹⁾	—
Airteagal 85l	— ⁽¹⁾	—
Airteagal 85m	— ⁽¹⁾	—
Airteagal 85n	— ⁽¹⁾	—
Airteagal 85o	—	—
Airteagal 85p	—	—
Airteagal 85q	—	—
Airteagal 85r	—	—
Airteagal 85s	—	—
Airteagal 85t	—	—
Airteagal 85u	—	—
Airteagal 85v	—	—
Airteagal 85w	—	—
Airteagal 85x	—	—
Airteagal 86 (scriosta)	—	—
Airteagal 87 (scriosta)	—	—
Airteagal 88 (scriosta)	—	—
Airteagal 89 (scriosta)	—	—
Airteagal 90 (scriosta)	—	—
Airteagal 91	—	—
Airteagal 92	—	—
Airteagal 93	—	—
Airteagal 94	—	—
Airteagal 94a	—	—

Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007	An Rialachán seo	Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013
Airteagal 95	—	—
Airteagal 95a	—	—
Airteagal 96 (scriosta)	—	—
Airteagal 97	Airteagal 129 ⁽¹⁾	—
Airteagal 98	— ⁽¹⁾	—
Airteagal 99	—	—
Airteagal 100	—	—
Airteagal 101 (scriosta)	—	—
Airteagal 102	Airteagal 26 ⁽¹⁾	—
Airteagal 102(2)	Airteagal 217	—
Airteagal 102a	Airteagal 58	—
Airteagal 103	Airteagail 29, 30 agus 31	—
Airteagal 103a	—	—
Airteagal 103b	Airteagal 32	—
Airteagal 103c	Airteagal 33	—
Airteagal 103d	Airteagal 34	—
Airteagal 103e	Airteagal 35	—
Airteagal 103f	Airteagal 36	—
Airteagal 103g	Airteagail 37(a) agus Airteagal 38(b)	—
Airteagal 103ga	Airteagal 23	—
Airteagal 103ga(7)	Airteagal 217	—
Airteagal 103h(a) go (e)	Airteagail 37 agus 38	—
Airteagal 103h(f)	Airteagail 24 agus 25	—
Airteagal 103i	Airteagal 39	—
Airteagal 103j	Airteagal 40	—
Airteagal 103k	Airteagal 41	—
Airteagal 103l	Airteagal 42	—
Airteagal 103m	Airteagal 43	—
Airteagal 103n	Airteagal 44	—
Airteagal 103n(4)	Airteagal 212	—
Airteagal 103o	—	—
Airteagal 103p	Airteagal 45	—
Airteagal 103q	Airteagal 46	—
Airteagal 103r	Airteagal 47	—
Airteagal 103s	Airteagal 48	—

Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007	An Rialachán seo	Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013
Airteagal 103t	Airteagal 49	—
Airteagal 103u(1)(a)	Airteagal 50	—
Airteagal 103u(1)(b)	Airteagal 51	—
Airteagal 103u(2)go (5)	Airteagal 52	—
Airteagal 103v	Airteagal 50	—
Airteagal 103w	—	—
Airteagal 103x	—	—
Airteagal 103y	—	—
Airteagal 103z	—	—
Airteagal 103za	Airteagals 53 agus 54	—
Airteagal 104	—	—
Airteagal 105(1)	Airteagal 55(1)	—
Airteagal 105(2)	Airteagal 215	—
Airteagal 106	Airteagal 55(4)	—
Airteagal 107	Airteagal 55(3)	—
Airteagal 108(1)	Airteagal 55(2)	—
Airteagal 108(2)	—	—
Airteagal 109, an chéad abairt	Airteagal 55(1), an abairt dheireanach	—
Airteagal 110	Airteagail 56 agus 57	—
Airteagal 111	—	—
Airteagal 112	—	—
Airteagal 113(1)	Airteagal 75(1) agus (2)	—
Airteagal 113(2)	Airteagal 75(5)	—
Airteagal 113(3), an chéad fhomhír	Airteagal 74	—
Airteagal 113(3), second subparagraph	—	Airteagal 89
Airteagal 113a(1) to (3)	Airteagal 76	—
Airteagal 113a(4)	— ⁽¹⁾	Airteagal 89
Airteagal 113b	Airteagal 75(3)	—
Airteagal 113c	Airteagal 167	—
Airteagal 113d(1), an chéad fhomhír	Airteagal 78(1) agus (2)	—
Airteagal 113d(1), an dara fomhír	Annex VII, Part II(1)	—
Airteagal 113d(2)	Airteagal 78(3)	—

Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007	An Rialachán seo	Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013
Airteagal 113d(3)	Airteagal 82	—
Airteagal 114	Airteagal 78(1) ⁽¹⁾	—
Airteagal 115	Airteagal 78(1)	—
Airteagal 116	Airteagal 78(1)	—
Airteagal 117	Airteagal 77	—
Airteagal 118	Airteagal 78(1)	—
Airteagal 118a	Airteagal 92	—
Airteagal 118b	Airteagal 93	—
Airteagal 118c	Airteagal 94	—
Airteagal 118d(1)	Airteagal 94(3)	—
Airteagal 118d(2) agus (3)	[Airteagal 109(3)]	—
Airteagal 118e	Airteagal 95	—
Airteagal 118f	Airteagal 96	—
Airteagal 118g	Airteagal 97	—
Airteagal 118h	Airteagal 98	—
Airteagal 118i	Airteagal 99	—
Airteagal 118j	Airteagal 100	—
Airteagal 118k	Airteagal 101	—
Airteagal 118l	Airteagal 102	—
Airteagal 118m	Airteagal 103	—
Airteagal 118n	Airteagal 104	—
Airteagal 118o	—	—
Airteagal 118p	—	—
Airteagal 118q	Airteagal 105	—
Airteagal 118r	Airteagal 106	—
Airteagal 118s	Airteagal 107	—
Airteagal 118t	Airteagal 108	—
Airteagal 118u	Airteagal 112	—
Airteagal 118v	Airteagal 113	—
Airteagal 118w	Airteagal 117	—
Airteagal 118x	Airteagal 118	—
Airteagal 118y	Airteagal 119	—
Airteagal 118z	Airteagal 120	—
Airteagal 118za	Airteagal 121	—

Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007	An Rialachán seo	Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013
Airteagal 118zb	—	—
Airteagal 119	—	—
Airteagal 120	—	—
Airteagal 120a	Airteagal 81	—
Airteagal 120b	—	—
Airteagal 120c	Airteagal 80	—
Airteagal 120d, an chéad fhomhír	Airteagal 83(2)	—
Airteagal 120d, an dara fhomír	[Airteagal 223]	—
Airteagal 120e(1)	Airteagal 75(3) agus (4)	—
Airteagal 120e(2)	Airteagal 83(3) agus (4)	—
Airteagal 120f	Airteagal 80(3)	—
Airteagal 120g	Airteagal 80(5) agus Airteagal 91(c)	—
Airteagal 121a(i)	Airteagal 75(2)	—
Airteagal 121a(ii)	Airteagal 75(3)	—
Airteagal 121a(iii)	Airteagal 89	—
Airteagal 121a(iv)	Airteagal 75(2) agus Airteagal 91(b)	—
Airteagal 121(b)	Airteagal 91(a)	—
Airteagal 121(c)(i)	Airteagal 91(a)	—
Airteagal 121(c)(ii) agus (iii)	Airteagal 91(d)	—
Airteagal 121(c)(iv)	[Airteagal 223]	—
Airteagal 121(d)(i)	Airteagal 78(1)	—
Airteagal 121(d)(ii) go (v) agus(vii)	Airteagal 75(2) agus(3)	—
Airteagal 121(d)(vi)	Airteagal 89	—
Airteagal 121(e)(i)	Airteagal 78(1)	—
Airteagal 121(e)(ii) go (v), (vii)	Airteagal 75(3)	—
Airteagal 121(e)(vi)	Airteagal 75(2)	—
Airteagal 121(f)(i)	Airteagal 78(1)	—
Airteagal 121(f)(ii), (iii) agus (v)	Airteagal 75(3)	—

Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007	An Rialachán seo	Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013
Airteagal 121(f)(iv) agus(vii)	Airteagal 91(g)	—
Airteagal 121(f)(vi)	[Airteagal 223]	—
Airteagal 121(g)	Airteagal 75(3)	—
Airteagal 121(h)	Airteagal 91(d)	—
Airteagal 121(i)	—	—
Airteagal 121(j)(i)	Airteagal 75(3)	—
Airteagal 121(j)(ii)	—	Airteagal 89
Airteagal 121(k)	Airteagal 122	—
Airteagal 121(l)	Airteagails 114, 115 agus 116	—
Airteagal 121(m)	Airteagal 122	—
Airteagal 121, an dara mír	Airteagal 78(3)	—
Airteagal 121, an tríú mír	Airteagal 75(3) and (4)	—
Airteagal 121, an ceathrú mír, (a) go (f)	Airteagal 75(3)	—
Airteagal 121, an ceathrú mír, (g)	Airteagal 75(3)(m)	—
Airteagal 121, an ceathrú mír, (h)	Airteagal 80(4)	—
Airteagal 122	Airteagal 152	—
Airteagal 123	Airteagal 157	—
Airteagal 124	—	—
Airteagal 125	—	—
Airteagal 125a	Airteagal 153	—
Airteagal 125b	Airteagal 154	—
Airteagal 125c	Airteagal 156	—
Airteagal 125d	Airteagal 155	—
Airteagal 125e	—	—
Airteagal 125f	Airteagal 164	—
Airteagal 125g	Airteagal 164(6)	—
Airteagal 125h	Airteagal 175(d)	—
Airteagal 125i	Airteagal 165	—
Airteagal 125j	Airteagal 164	—
Airteagal 125k	Airteagal 158	—
Airteagal 125l	Airteagal 164	—
Airteagal 125m	Airteagal 164(6) [agus Airteagal 175(d)]	—
Airteagal 125n	Airteagal 165	—
Airteagal 125o	Airteagails 154 agus 158	—

Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007	An Rialachán seo	Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013
Airteagal 126	Airteagal 165	—
Airteagal 126a	Airteagal 154(3)	—
Airteagal 126b	Airteagal 157(3)	—
Airteagal 126c	Airteagal 149	—
Airteagal 126d	Airteagal 150	—
Airteagal 126e	Airteagal 173(2) agus Airteagal 174(2)	—
Airteagal 127	Airteagal 173	—
Airteagal 128	—	—
Airteagal 129	—	—
Airteagal 130	Airteagal 176(1)	—
Airteagal 131	Airteagal 176(2)	—
Airteagal 132	Airteagal 176(3)	—
Airteagal 133	[Airteagal 177(2)(e)]	—
Airteagal 133a(1)	Airteagal 181	—
Airteagal 133a(2)	Airteagal 191	—
Airteagal 134	Airteagals 177 agus 178	—
Airteagal 135	—	—
Airteagal 136	[Airteagal 180]	—
Airteagal 137	[Airteagal 180]	—
Airteagal 138	[Airteagal 180]	—
Airteagal 139	[Airteagal 180]	—
Airteagal 140	[Airteagal 180]	—
Airteagal 140a	Airteagal 181	—
Airteagal 141	Airteagal 182	—
Airteagal 142	Airteagal 193	—
Airteagal 143	Airteagal 180	—
Airteagal 144	Airteagal 184	—
Airteagal 145	Airteagal 187(a)	—
Airteagal 146(1)	—	—
Airteagal 146(2)	Airteagal 185	—
Airteagal 147	—	—
Airteagal 148	Airteagal 187	—
Airteagal 149	[Airteagal 180]	—
Airteagal 150	[Airteagal 180]	—
Airteagal 151	[Airteagal 180]	—

Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007	An Rialachán seo	Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013
Airteagal 152	[Airteagal 180]	—
Airteagal 153	Airteagal 192	—
Airteagal 154	—	—
Airteagal 155	—	—
Airteagal 156	Airteagal 192(5)	—
Airteagal 157	Airteagal 189	—
Airteagal 158	Airteagal 190	—
Airteagal 158a	Airteagal 90	—
Airteagal 159	Airteagal 194	—
Airteagal 160	Airteagal 195	—
Airteagal 161	Airteagail 176, 177, 178 agus 179	—
Airteagal 162	Airteagal 196	—
Airteagal 163	Airteagal 197	—
Airteagal 164(1)	Airteagal 198(1)	—
Airteagal 164(2) go (4)	Airteagal 198(2) ⁽¹⁾	—
Airteagal 165	— ⁽¹⁾	—
Airteagal 166	— ⁽¹⁾	—
Airteagal 167	Airteagal 199	—
Airteagal 168	Airteagal 200	—
Airteagal 169	Airteagal 201	—
Airteagal 170	Airteagail 202 agus 203	—
Airteagal 171	Airteagal 184	—
Airteagal 172	[Airteagal 186(2)]	—
Airteagal 173	—	—
Airteagal 174	Airteagal 205	—
Airteagal 175	Airteagal 206	—
Airteagal 176	Airteagal 209	—
Airteagal 176a	Airteagal 210	—
Airteagal 177	Airteagal 210	—
Airteagal 177a	Airteagal 210	—
Airteagal 178	Airteagal 164	—
Airteagal 179	Airteagal 210(7)	—
Airteagal 180	Airteagal 211	—
Airteagal 181	Airteagal 211	—
Airteagal 182(1)	Airteagal 213	—
Airteagal 182(2)	—	—
Airteagal 182(3), an tríú fomhír	Airteagal 214	—

Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007	An Rialachán seo	Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013
Airteagal 182(3), an chéad, dara agus ceathrú fomhír	—	—
Airteagal 182(4) go (7)	—	—
Airteagal 182a	Airteagal 216	—
Airteagal 183	—	—
Airteagal 184(1)	—	—
Airteagal 184(2)	Airteagal 225(a)	—
Airteagal 184(3) go (8)	—	—
Airteagal 184(9)	Airteagal 225(b)	—
Airteagal 185	—	—
Airteagal 185a	Airteagal 145	—
Airteagal 185b	Airteagal 223	—
Airteagal 185c	Airteagal 147	—
Airteagal 185d	Airteagal 146	—
Airteagal 185e	Airteagal 151	—
Airteagal 185f	Airteagal 148	—
Airteagal 186	Airteagal 219	—
Airteagal 187	Airteagal 219	—
Airteagal 188	Airteagal 219	—
Airteagal 188a(1) agus (2)	— ⁽¹⁾	—
Airteagal 188a(3) agus (4)	—	—
Airteagal 188a(5) go (7)	[Airteagal 223]	—
Airteagal 189	[Airteagal 223]	—
Airteagal 190	—	—
Airteagal 190a	—	—
Airteagal 191	Airteagal 221	—
Airteagal 192	Airteagal 223	—
Airteagal 193	—	—
Airteagal 194	—	Airteagail 62 agus 64
Airteagal 194a	—	Airteagal 61
Airteagal 195	Airteagal 229	—
Airteagal 196	—	—
Airteagal 196a	Airteagal 227	—
Airteagal 196b	Airteagal 229	—
Airteagal 197	—	—
Airteagal 198	—	—
Airteagal 199	—	—
Airteagal 200	—	—

Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007	An Rialachán seo	Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013
Airteagal 201	230(1) agus (3)	—
Airteagal 202	230(2)	—
Airteagal 203	—	—
Airteagal 203a	Airteagal 231	—
Airteagal 203b	Airteagal 231	—
Airteagal 204	Airteagal 232	—
Iarscríbhinn I	Iarscríbhinn (Codanna I go XX, XXIV/1)	—
Iarscríbhinn II	Iarscríbhinn I (Codanna XXI go XXIII)	—
Iarscríbhinn III	Iarscríbhinn II	—
Iarscríbhinn IV	Iarscríbhinn III	—
Iarscríbhinn V	Iarscríbhinn IV	—
Iarscríbhinn VI	Iarscríbhinn	—
Iarscríbhinn VII	—	—
Iarscríbhinn VIIa	—	—
Iarscríbhinn VIIb	—	—
Iarscríbhinn VIIc	—	—
Iarscríbhinn VIII	Iarscríbhinn XIII	—
Iarscríbhinn IX	— ⁽¹⁾	—
Iarscríbhinn X	— ⁽¹⁾	—
Iarscríbhinn Xa	—	—
Iarscríbhinn Xb	Iarscríbhinn VI	—
Iarscríbhinn Xc	—	—
Iarscríbhinn Xd	—	—
Iarscríbhinn Xe	—	—
Iarscríbhinn XI	—	—
Iarscríbhinn XIa	Iarscríbhinn VII, Cuid I	—
Iarscríbhinn XIb	Iarscríbhinn VII, Cuid II	—
Iarscríbhinn XII	Iarscríbhinn VII, Cuid III	—
Iarscríbhinn XIII	Iarscríbhinn VII, Cuid IV	—
Iarscríbhinn XIV.A	Iarscríbhinn VII, Cuid VI	—
Iarscríbhinn XIV.B	Iarscríbhinn VII, Cuid V	—
Iarscríbhinn XIV.C	Airteagal 75(2) agus (3) ⁽¹⁾	—
Iarscríbhinn XV	Iarscríbhinn VII, Cuid VII	—

Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007	An Rialachán seo	Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013
Iarscríbhinn XVa	Iarscríbhinn VIII, Cuid I	—
Iarscríbhinn XVb	Iarscríbhinn VIII, Cuid II	—
Iarscríbhinn XVI	Iarscríbhinn VII, Cuid VIII	—
Iarscríbhinn XVIa	[Airteagal 173(1)(i)]	—
Iarscríbhinn XVII	[Airteagal 180]	—
Iarscríbhinn XVIII	[Airteagal 180]	—
Iarscríbhinn XIX	—	—
Iarscríbhinn XX	—	—
Iarscríbhinn XXI	—	—
Iarscríbhinn XXII	Iarscríbhinn XIV	—

(¹) Féach freisin Rialachán ón gComhairle le glacadh i gcomhréir le hAirteagal 43(3) CFAE

(²) Féach Airteagal 230 áfach.

RIALACHÁN (AE) Uimh. 1309/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 17 Nollaig 2013

maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020) agus lena n-aisghairtear
Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe don tríú mír d'Airteagal 175,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) An 26 Márta 2010 d'aontaigh an Chomhairle Eorpach le moladh an Choimisiúin straitéis nua don fhás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach ("Straitéis Eoraip 2020" a sheoladh. Ar cheann de thrí thosaíocht straitéis Eoraip 2020 tá fás cuimsitheach a chothú trí dhaoine a chumasú le hardleibhéil fostaíochta, infheistiú i scileanna, bochtaineacht a chomhrac agus margáí saothair a nuachóiriú, córais oiliúna agus cosanta sóisialta ionas go dtabharfar cúnaimh do dhaoine athruithe a thuar agus a láimhseáil, agus sochaí chomhtháite, chuimsitheach a fhorbairt. Chun an ceann is fearr a fháil ar éifeachtaí díobhálacha an domhandaithe, ní mór go gcruthófar poist ar fud an Aontais agus go mbeadh beartas díonbháilte ann maidir le tacú le fás.
- (2) Bunaíodh an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) le Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ ar feadh thréimhse an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil ón 1 Eanáir 2007 go dtí an 31 Nollaig 2013. Cuireann CED ar chumas an Aontais dlúthpháirtíocht a léiriú d'oibrithe a fágadh iomarcach i ngeall ar mhórathruithe struchtúracha i bpatrúin trádála domhanda de bharr an domhandaithe agus na géarchéimeanna domhanda airgeadais agus eacnamaíochta, agus is féidir leis tacú freisin le tairbhíthe i margáí saothair beaga nó atá i ndálaí eisceachtúla, go háirithe maidir le comhiarratais

a bhfuil fiontair bheaga agus mhéanmhéide (FBManna) páirteach iontu, fiú amháin má tá an líon iomarcaíochtaí níos ísle ná an ghnáth-thairseach chun CED a shlógadh.

- (3) Ina Theachtairacht an 29 Meitheamh 2011 dar teideal 'Buiséad d'Eoraip 2020', aithníonn an Coimisiún ról CED mar chiste solúbtha chun tacaíocht a thabhairt d'oibrithe a chailleann a bpost agus chun cuidiú leo post eile a aimsiú chomh tapa agus is féidir. Ba cheart don Aontas, ar feadh thréimhse an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020, leanúint de bheith ag tabhairt tacaíochta sonraí aonuaire chun go ndéanfaí athimeascadh san fhostaíocht a thabhairt d'oibrithe iomarcacha i limistéir, in earnálacha, i gríocha nó i margáí saothair atá buailte go dona ag mórshuaitheadh eacnamaíoch. I bhfianaise an chuspóra atá ag CED, arb é sin tacaíocht a thabhairt i gcásanna práinne agus in imthosca gan choinne, ba cheart dó fanacht lasmuigh den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil.
- (4) Rinneadh raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006 a leathnú in 2009 le Rialachán (CE) Uimh. 546/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ mar chuid den Phlean don Téarnamh Eacnamaíoch Eorpach chun oibrithe atá iomarcach mar thoradh díreach ar an ngéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíochta a chur san áireamh. D'fhonn a chur ar chumas CED idirghabháil a dhéanamh i gcásanna géarchéime atá anois ann nó a bheidh ann amach anseo, ba cheart go gcuimseodh a raon feidhme iomarcaíochtaí a eascraíonn ó mhórshuaitheadh eacnamaíoch, nuair a tharlaíonn sé de dhroim na géarchéime domhanda airgeadais agus eacnamaíochta a dtugtar aghaidh uirthi i Rialachán (CE) Uimh. 546/2009 a bheith fós ar siúl, nó de dhroim géarchéime domhanda airgeadais agus eacnamaíochta nua.
- (5) Déanann an Lárionad Faireacháin Eorpach um an Athrú, atá bunaithe san Fhoras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) i mBaile Átha Cliath, cúnaimh a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit i ndáil le hanailísí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun cuidiú leis an meastóireacht ar threochtaí domhandaithe agus úsáide CED.
- (6) D'fhonn gné Eorpach CED a chothabháil, ba cheart go spreagfaí iarratas ar thacaíocht nuair a shroicheann líon na n-iomarcaíochtaí íostairseach. Mar sin féin, sna margáí saothair beaga, amhail Ballstáit bheaga nó réigiúin iargúlta, nó in imthosca eisceachtúla, féadfar iarratais a chur isteach i gcás líon níos lú iomarcaíochtaí.

⁽¹⁾ IO C 143, 22.5.2012, lch. 42.

⁽²⁾ IO C 225, 27.7.2012, lch. 159.

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le bunú an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú (IO L 406, 30.12.2006, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 546/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006 maidir le bunú an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú (IO L 167, 29.6.2009, lch. 26).

- (7) Maidir le hoibrithe a rinneadh iomarcach agus le daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht, ba cheart go mbeadh rochtain chothrom acu ar CED, ar shlí nach bhfuil spleách ar an gcineál conartha fostaíochta ná ar an gcineál caidrimh fostaíochta a bhí acu. Dá bhrí sin, oibrithe a rinneadh iomarcach mar aon le daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíochtaí, ba cheart iad a mheas mar thairbhíthe CED chun críocha an Rialacháin seo.
- (8) Ba cheart do CED cúnaimh a sholáthar ar bhonn sealadach do dhaoine óga nach bhfuil i mbun Fostaíochta, Oideachais nó Oiliúna (NEETanna) agus a bhfuil cónaí orthu i réigiúin atá incháilithe faoin Tionscnamh Fostaíochta don Óige, de bhrí go bhfuil tionchar atá míréireach ag móriomarcaíochtaí ar na réigiúin sin.
- (9) Ba cheart go ndíreofaí rannchuidithe airgeadais ó CED go príomha ar bhearta gníomhacha mhargadh an tsaothair atá dírithe ar thairbhíthe a athimeascadh go tapa i bhfostaíocht inbhuanaithe, bíodh sé sin laistigh nó lasmuigh den earnáil ina raibh siad ag obair ar dtús. Ba cheart, dá bhrí sin, cuimsiú liúntas airgid i bpacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe a shrianadh. Ba cheart cuideachtaí spreagadh chun cómhaoiniú a sholáthar do bhearta a fhaigheann tacaíocht ó CED.
- (10) Agus an pacáiste comhordaithe de bhearta i mbeartas gníomhach mhargadh an tsaothair á tharraingt suas, ba cheart go dtabharfadh Ballstáit tús áite do bhearta a rannchuideoidh go suntasach le hinfhostaitheacht na dtairbhíthe. Ba cheart go bhféachfadh na Ballstáit le dul i dtreo an líon is mó is féidir de thairbhíthe atá rannpháirteach sna bearta sin a athimeascadh i bhfostaíocht inbhuanaithe a luaithe agus is féidir laistigh den tréimhse sé mhí roimh an dáta a bhfuil an tuarascáil dheireanach maidir le cur chun feidhme na ranníocaíochta airgeadais le cur isteach.
- (11) Ba cheart do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar thairbhíthe faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear daoine difhostaithe, bídis ina ndaoine óga nó ina ndaoine níos sine, agus daoine atá i mbaol na bochtaineachta, nuair a bhíonn an pacáiste comhordaithe de bhearta i mbeartas gníomhach mhargadh an tsaothair á cheapadh acu, i bhfianaise go mbíonn fadhbanna ar leith ag na grúpaí sin dul isteach an athuair i margadh an tsaothair i ngeall ar an ngéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíochta agus ar an domhandú.
- (12) Ba cheart go ndéanfaí prionsabail an chomhionannais inscne agus an neamh-idirdhealaithe, atá i measc chroílúachanna an Aontais agus atá cumhdaithe i straitéis Eoraip 2020, a urramú agus a chur chun cinn nuair a bhíonn CED á chur chun feidhme.
- (13) D'fhonn tacaíocht éifeachtach agus thapa a thabhairt do thairbhíthe, ba cheart go ndéanadh na Ballstáit a ndícheall iarratais chomhlánaithe maidir le ranníocaíocht airgeadais ó CED a thíolacadh. Ba cheart srian ama a bheith le soláthar faisnéise breise.
- (14) Ar mhaithe leis na tairbhíthe agus na comhlachtaí atá freagrach as bearta a chur chun feidhme, ba cheart go ndéanadh an Ballstát iarrthach na gníomhairí uile atá páirteach sa phróiseas iarratais a choinneáil ar an eolas maidir leis an dul chun cinn ar an iarratas.
- (15) D'fhonn prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais a chomhlíonadh, níor cheart do dtiocfadh rannchuidithe airgeadais CED in ionad beart tacaíochta atá ar fáil do thairbhíthe i gcistí Aontais nó i mbeartais nó cláir eile de chuid an Aontais, ach ba cheart, i gcás inar féidir, go gcomhlánódh rannchuidithe airgeadais na bearta tacaíochta sin.
- (16) Ba cheart forálacha speisialta a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis na cásanna a chumhdaíonn CED agus le torthaí a ghnóthaítear.
- (17) D'fhonn dlúthpháirtíocht an Aontais i leith oibrithe a rinneadh iomarcach agus i leith daoine a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht a léiriú, ba cheart an ráta cómhaoinithe a leagan síos ag 60 % de chostas an phacáiste agus i leith a cur chun feidhme.
- (18) Chun cur chun feidhme an Rialacháin seo a éascú, ba cheart don chaiteachas a bheith incháilithe ón dáta ar a dtosaíonn Ballstát ag soláthar seirbhísí pearsantaithe nó ón dáta a dtabhaíonn Ballstát caiteachas riaracháin maidir le cur chun feidhme CED.
- (19) Chun na riachtanais a thagann chun cinn a chumhdach, go háirithe i rith na chéad mhíonna den bhliain, sa chás ina bhfuil deacracht ar leith ag baint leis na féidearthachtaí le haghaidh aistrithe ó línte buiséid eile, ba cheart méid leormhaith de leithreasaí íocaíochta a chur ar fáil sa nós imeachta buiséadach bliantúil ar líne bhuiséid CED.
- (20) Is é Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún an 2 Nollaig 2013 maidir le smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhóna airgeadais ⁽¹⁾ ('an Comhaontú Idirinstitiúideach') a chinneann creat buiséadach CED.
- (21) Ar mhaithe leis na tairbhíthe, ba cheart cúnaimh a chur ar fáil chomh tapa agus chomh héifeachtúil agus is féidir. Ba cheart go ndéanadh na Ballstáit agus institiúidí an Aontais atá páirteach i bpróiseas cinnteoireachta CED a ndícheall amanna próiseála a laghdú agus nósanna imeachta a shimpliú ionas go ndéanfaí glacadh réidh agus mear na gcinntí maidir le slógadh CED a áirithiú.
- (22) I gcás fiontar atá ag dúnadh síos, féadfar cabhrú le hoibrithe a ndéanann an fiontar sin iomarcach iad cuid de ghníomhaíochtaí an fhiontair, nó iad go léir, a ghlacadh ar lámh agus féadfaidh an Ballstát ina bhfuil an fiontar suite cistí a airleacan atá ag teastáil go práinneach chun go mbeadh an méid sin indéanta.

(¹) IO C 373, 20.12.2013, lch. 1

- (23) Chun grinnscrúdú polaitiúil ag Parlaimint na hEorpa agus faireachán leanúnach ag an gCoimisiún ar na torthaí a bhaintear amach le cúnaimh CED a chumasú, ba cheart go gcuirfeadh Ballstáit tuarascáil deiridh isteach maidir le cur chun feidhme CED.
- (24) Ba cheart go leanfadh na Ballstáit de bheith freagrach as cur chun feidhme an rannchuidithe airgeadais agus as bainistiú agus rialú na ngníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh le maoiniú ón Aontas, i gcomhréir le forálacha ábhartha de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an "Rialachán Airgeadais")⁽¹⁾. Ba cheart go dtabharfadh na Ballstáit údar le húsáid an rannchuidithe airgeadais a fhaightear ó CED. I bhfianaise thréimhse ghearr chur chun feidhme oibríochtaí chásanna CED, ba cheart go léireodh oibleagáidí tuairiscithe cineál ar leith na n-idirghabhálacha ó CED. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, go ndéanfar maolú ón Rialachán Airgeadais i dtaca le hoibleagáidí tuairiscithe.
- (25) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus gur féidir, de bharr a bhfairsinge agus a n-éifeachtaí, iad a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuspóirí

Bunaítear leis an Rialachán seo an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) do thréimhse an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020.

Is é is aidhm do CED rannchuidiú le fás eacnamaíoch cliste, cuimsitheach agus inbhuanaithe agus chun fostaíocht inbhuanaithe san Aontas a chur chun cinn trína chumasú don Aontas dlúthpháirtíocht a léiriú i leith oibríthe a rinneadh iomarcach agus i leith daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i ngeall ar mhóthrúithe struchtúracha ar phatrúin na trádála domhanda de thoradh an domhandaithe nó i ngeall ar leanúint den ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíoch a dtugtar aghaidh uirthi i Rialachán (AE) Uimh. 546/2009 nó i ngeall ar ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíochta nua, agus tacú leis na hoibríthe sin.

Gníomhaíochtaí a bhainfidh tairbhe as rannchuidithe airgeadais ó CED, beidh sé mar aidhm leo a áirithiú go bhfaighidh an líon is mó is féidir de thairbhíthe a bheidh rannpháirteach sna gníomhaíochtaí sin fostaíocht inbhuanaithe a luaithe agus is

⁽¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1).

féidir laistigh den thréimhse sé mhí roimh an dáta a bhfuil an tuarascáil dheireanach dá dtagraítear in Airteagal 18(1) le cur isteach.

Airteagal 2

Raon Feidhme

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le hiarratais a dhéanfaidh na Ballstáit ar rannchuidithe airgeadais ó CED do ghníomhaíochtaí atá dírithe ar:

- (a) oibríthe a dhéantar iomarcach agus daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht mar thoradh ar mhóthrúithe struchtúracha i bpatrúin na trádála domhanda de thoradh domhandú, arna léiriú, go háirithe, le méadú substaintiúil ar allmhairí chuig an Aontas, cor mór i dtrádáil an Aontais in earraí nó seirbhísí, meath tapa ar an sciar den mhargadh atá ag an Aontas in earnáil ar leith nó athshuí gníomhaíochtaí chuig tríú tíortha, ar choinníoll go bhfuil drochthionchar suntasach ag na hiomarcaíochtaí sin ar an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta;
- (b) oibríthe a rinneadh iomarcach agus daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht mar thoradh ar leanúint den ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíochta a dtugtar aghaidh uirthi i Rialachán (CE) Uimh. 546/2009, nó mar thoradh ar ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíoch nua.

Airteagal 3

Sainmhíniú

Chun críocha an Rialacháin seo, ciallaíonn 'tairbhí':

- (a) oibrí a bhfuil deireadh tagtha roimh am lena fhostaíocht de bharr iomarcaíochta, nó go dtagann deireadh leis an bhfostaíocht i rith na thréimhse tagartha dá dtagraítear in Airteagal 4 agus nach ndéantar an fhostaíocht sin a athnuachan;
- (b) duine féinfhostaithe a raibh líon nach mó ná 10 oibríthe ar fóstú aige agus a rinneadh iomarcach de réir raon feidhme an Rialacháin seo, agus a bhfuil deireadh tagtha lena ghníomhaíocht i gcomhréir le hAirteagal 4, ar choinníoll gur féidir a léiriú go raibh an ghníomhaíocht spleách ar an tionscal lena mbaineann i bpointe (a) d'Airteagal 4(1), nó, gurb amhlaidh, i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 4(1), go raibh an duine féinfhostaithe ag oibriú san earnáil eacnamaíoch lena mbaineann.

Airteagal 4

Critéir idirghabhála

1. Déanfar rannchuidiú airgeadais ó CED a sholáthar i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2 agus go mbíonn na nithe seo a leanas mar thoradh orthu:

- (a) ar a laghad 500 oibríthe arna ndéanamh iomarcach nó ar a laghad 500 daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh á chur lena ngníomhaíocht thar thréimhse tagartha ceithre mhí i bhfiontar i mBallstát, lena n-áirítear oibríthe a rinneadh iomarcach agus daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht a bhí ag obair do sholáthraithe nó do tháirgeoirí iartheachacha an fhiontair sin;

(b) ar a laghad 500 oibríthe arna ndéanamh iomarcach nó ar a laghad 500 daoine a bhfuil deireadh ag teacht lena ngníomhaíocht thar thréimhse tagartha naoi mí, go háirithe in FBManna, agus iad uile ag feidhmiú san earnáil eacnamaíoch chéanna arna sainiú i leibhéal rannáin NACE Athbhreithniú 2 agus iad lonnaithe i réigiún amháin nó in dhá réigiún theorantacha arna sainiú ar leibhéal NUTS 2, nó i níos mó ná dhá réigiún theorantacha arna sainiú ar leibhéal NUTS 2 ar choinníoll gurb ann do níos mó ná 500 oibríthe nó daoine, ar daoine iad atá féinfhostaithe, atá thíos leis in dhá cheann de na réigiúin le chéile.

2. I gcás margaí saothair beaga nó in imthosca eisceachtúla, go háirithe maidir le comhiarratais a bhfuil FBManna páirteach iontu, agus i gcás ina dtugann an Ballstát iarrthach bunús cuí leis, féadfar a mheas go bhfuil iarratas ar rannchuidiú airgeadais faoin Airteagal seo inghlactha fiú mura ndéantar na critéir a leagtar síos i bpointe (a) nó i bpointe (b) de mhír 1 a chomhlíonadh ina n-iomláine, nuair a bhíonn mórthionchar ag na hiomarcaíochtaí ar fhostaíocht agus ar an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta. Sonróidh an Ballstát is iarratasóir cé na critéir idirghabhála atá leagtha amach i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 1 nár comhlíonadh ina n-iomláine. Ní rachaidh méid comhiomlánaithe na rannchuidithe in imthosca eisceachtúla thar 15 % de mhéid uasta bliantúil CED.

Airteagal 5

Iomarcaíochtaí agus deireadh le gníomhaíocht a ríomh

1. Sonróidh an Ballstát is iarratasóir an modh a úsáidtear chun líon na n-oibríthe agus na ndaoine féinfhostaithe dá dtagraítear in Airteagal 3 a ríomh chun críche Airteagal 4.

2. Déanfaidh an Ballstát is iarratasóir an líon dá dtagraítear i mír 1 a ríomh amháil ar cheann de na dátaí seo a leanas:

(a) an dáta ar a dtugann an fostóir, i gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Threoir 98/59/CE ón gComhairle⁽¹⁾, fógra i scríbhinn don údarás poiblí inniúil maidir leis na hiomarcaíochtaí comhchoiteanna réamh-mheasta; sa chás sin, déanfaidh an Ballstát iarrthach faisnéis bhreise a sholáthar don Choimisiún maidir le líon iarbhair na n-iomarcaíochtaí a tharla i gcomhréir le hAirteagal 4(1) den Rialachán seo, sula gcuirfidh an Coimisiún an measúnú i gcrích;

(b) dáta fhógra indibhidiúil an fhostóra go bhfuil sé chun an t-oibrí a leagan as nó chun conradh fostaíochta an oibrí a fhoirceannadh;

(c) dáta foirceanta de facto an chonartha fostaíochta nó dáta éaga an chonartha sin;

(d) deireadh na tréimhse leis an ngnóthas úsáideora, nó

(e) i gcás duine féinfhostaithe, an dáta a dtagann deireadh leis na gníomhaíochtaí mar a chinntear i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó le forálacha riaracháin.

⁽¹⁾ Treoir 98/59/CEE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le comhfhogasú dlíthe na mBallstát a bhaineann le iomarcaíochtaí comhchoiteanna (IO L 225, 12.8.1998, lch. 16).

Airteagal 6

Tairbhíthe incháilithe

1. Féadfaidh an Ballstát iarrthach seirbhísí pearsantaithe, arna gcómhaoiniú ag CED, a sholáthar do thairbhíthe incháilithe, a bhféadfadh na daoine seo a leanas a bheith ar áireamh leo:

(a) oibríthe a rinneadh iomarcach agus de na daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 5, laistigh den tréimhse thagartha dá bhforáiltear in Airteagal 4;

(b) oibríthe a rinneadh iomarcach agus daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 5 roimh an tréimhse thagartha dá bhforáiltear i bpointe (a) d'Airteagal 4(1); nó

(c) oibríthe a rinneadh iomarcach agus daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht, i gcásanna ina maolaíonn iarratas arna dhéanamh faoi Airteagal 4(2) ó na critéir a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 4(1).

Measfar na hoibríthe agus na daoine féinfhostaithe dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (c) a bheith incháilithe, ar choinníoll go ndearnadh iomarcach iad nó gur tháinig deireadh lena ngníomhaíocht tar éis an fhógra ghinearálta maidir leis na hiomarcaíochtaí réamh-mheasta agus ar choinníoll gur féidir nasc cúisiúch soiléir a aithint leis an eachtra a spreag na hiomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha.

2. De mhaolú ar Airteagal 2 féadfaidh Ballstáit is iarratasóirí, go dtí an 31 Nollaig 2017, seirbhísí pearsantaithe atá cómhaoinithe ag CED a sholáthar suas go líon NEETanna atá faoi bhun 25 bliana d'aois, nó i gcás ina gcinneann na Ballstáit amhlaidh, faoi bhun 30 bliain d'aois, ar dháta tíolactha an iarratais, ar líon é atá comhionann le líon na dtairbhíthe a bhfuiltear ag díriú orthu, mar thosaíocht do dhaoine a rinneadh iomarcach nó do dhaoine a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht, ar choinníoll go dtarlaíonn ar a laghad cuid de na hiomarcaíochtaí de réir bhrí Airteagal 3 i réigiúin NUTS 2 atá incháilithe faoin Tionscnamh Fostaíochta don Óige. Féadfar an tacaíocht a thabhairt do NEETanna atá faoi bhun 25 bliana d'aois, nó i gcás ina gcinneann na Ballstáit amhlaidh, faoi bhun 30 bliain d'aois, sna réigiúin leibhéal NUTS 2 sin agus sna réigiúin leibhéal NUTS 2 sin atá incháilithe faoin Tionscnamh Fostaíochta don Óige.

Airteagal 7

Gníomhaíochtaí incháilithe

1. Féadfar rannchuidiú airgeadais ó CED a dhéanamh le haghaidh beart gníomhach mhargadh an tsaothair atá ina gcuid de phacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe, atá ceaptha chun athimeascadh tapa i bhfostaíocht nó i bhféinfhostaíocht a éascú do na tairbhíthe a bhfuiltear ag díriú orthu agus, go háirithe, daoine dífhostaithe, bíds faoi mhíbhuntáiste, níos sine nó óg. Féadfaidh na nithe seo a leanas, go háirithe, a bheith sa phacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe:

- (a) oiliúint agus athoiliúint shainoiriúnaithe, lena n-áirítear scileanna teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide agus deimhniú ar an tairbhí a fuarthas, cúnamh i gcuardach poist, treoir ghairme, seirbhísí comhairleacha, meantóir-reacht, cúnamh i socrúchán seachtrach, cur chun cinn na fiontraíochta, cúnamh i bhféinfhostaíocht, i mbunú gnó agus i dtáthcheangail ó fhostaí aníos, agus gníomhaíochtaí comhair;
- (b) bearta speisialta a bhfuil teorainn ama leo, amhail liúntais um chuardach poist, dreasachtaí earcaíochta d'fhostóirí, liúntais soghluaisteachta, liúntais chothabhála nó oiliúna (lena n-áirítear liúntais do chúramóirí);
- (c) bearta chun spreagadh a thabhairt, go háirithe, do dhaoine dífhostaithe, bídis faoi mhíbhuntáiste, níos sine nó óg le fanacht i margadh an tsaothair nó le filleadh air.

Ní fhéadfaidh costais na mbearta faoi phointe (b) a bheith os cionn 35 % de na costais iomlána don phacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe a liostaítear sa mhír seo.

Ní fhéadfaidh costas na n-infheistíochtaí le haghaidh féinfhostaíochta, túsbhunú gnóthais nuathionscanta agus táthcheangail ó fhostaithe aníos a bheith os cionn EUR 15 000.

I ndeardh an phacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe, ba cheart go ndéanfaí ionchais amach anseo an mhargaidh saothair agus na scileanna a éilítear a réamh-mheas. Ba cheart go mbeadh an pacáiste comhordaithe ag luí leis an gcor i dtreo geilleagar atá éifeachtach agus inbhuanaithe ó thaobh acmhainní de.

2. Ní bheidh na bearta seo a leanas incháilithe le haghaidh rannchuidiú airgeadais ón CED:

- (a) bearta speisialta a bhfuil teorainn ama leo dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 agus nach bhfuil coinníollach ar rannpháirtíocht ghníomhach na dtairbhíthe ar a bhfuiltear ag díriú i ngníomhaíochtaí a bhaineann le cuardach poist nó le hoiliúint;
- (b) gníomhaíochtaí atá de chúram ar fhiontair de bhua an dlí náisiúnta nó de bhua comhaontuithe comhchoiteanna.

Ní bheidh gníomhaíochtaí a thacaítear leo le CED mar ionadú ar bhearta cosanta sóisialta éighníomhacha.

3. Déanfar an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe a tharraingt suas i gcomhchomhairle leis na tairbhíthe a bhfuiltear ag díriú orthu nó a n-ionadaithe, nó leis na comhpháirtithe sóisialta.

4. Ar thionscnamh an Bhallstáit iarrthaigh, féadfar rannchuidiú airgeadais ó CED a dhéanamh le haghaidh na ngníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe.

Airteagal 8

Iarratais

1. Déanfaidh an Ballstát is iarratasóir iarratas a thíolacadh chuig an gCoimisiún laistigh de 12 sheachtain ón dáta a gcomhlíontar na critéir a leagtar amach in Airteagal 4(1) nó (2).

2. Laistigh de dhá sheachtain ón dáta a tíolacadh an t-iarratas, nó, i gcás inarb infheidhme, ón dáta a dtiocfaidh aistriúchán ar an iarratas i seilbh an Choimisiúin, cibé acu is déanaí, tabharfaidh an Coimisiún admháil go bhfuarthas an t-iarratas nó an t-aistriúcháin agus cuirfidh sé in iúl don Bhallstát má tá aon fhaisnéis bhreise fós ag teastáil uaidh chun an t-iarratas a mheasúnú.

3. I gcás ina mbíonn faisnéis bhreise den sórt sin ag teastáil ón gCoimisiún, déanfaidh an Ballstát freagairt laistigh de shé seachtaine ó dháta na hiarrata. Déanfaidh an Coimisiún an spriocdháta sin a fhadú dhá sheachtain, ar iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil ón mBallstát i dtrácht.

4. Ar bhonn na faisnéise a sholáthróidh an Ballstát, déanfaidh an Coimisiún a mheasúnú ar an gcaoi a bhfuil na coinníollacha chun rannchuidiú airgeadais a chur ar fáil á gcomhlíonadh ag an iarratas a chur i gcrích laistigh de 12 sheachtain ó fháil an iarratais chomhlánaithe nó, i gcás inarb infheidhme, ó fháil an aistriúcháin ar an iarratas sin. I gcás nach mbeidh an Coimisiún in ann, ar bhonn eisceachtúil, an spriocam sin a chomhlíonadh, soláthróidh sé míniú i scríbhinn ina leagtar amach na cúiseanna atá leis an moill.

5. Beidh an fhaisnéis seo a leanas san iarratas comhlánaithe:

- (a) anailís réasúnaithe ar an nasc idir na hiomarcaíochtaí nó deireadh na gníomhaíochta agus na mórathruithe struchtúracha i bpatrúin na trádála domhanda, nó ar an mórshuaitheadh ar an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta a tharla de dhroim an domhandaithe nó de dhroim na géarchéime domhanda airgeadais agus eacnamaíochta a bheith fós ar siúl nó de dhroim géarchéime airgeadais agus eacnamaíochta dhomhanda nua. Beidh an anailís sin bunaithe ar fhaisnéis staitistiúil agus ar fhaisnéis eile ar an leibhéal is iomchuí lena léiriú gur comhlíonadh na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4;
- (b) i gcás inar lean an fiontar atá ag dífhostú dá chuid gníomhaíochtaí tar éis na n-asleaganacha, an deimhniú go bhfuil a chuid oibleagáidí dlíthiúla lena rialaítear na hiomarcaíochtaí comhlíonta aige agus go bhfuil foráil déanta dá chuid oibrithe aige dá réir;
- (c) measúnú ar líon na n-iomarcaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 5, agus míniú ar na teagmhais as ar tháinig na hiomarcaíochtaí sin;
- (d) sainaitheint, i gcás inarb iomchuí, na bhfiontar a rinne an dífhostú, na soláthraithe nó na dtáirgeoirí iartheachacha, na n-earnálacha agus na gcatagóirí tairbhíthe a bhfuiltear ag díriú orthu agus miondealú déanta de réir gnéis agus aoisghrúpa;
- (e) an tionchar a mheastar a bheidh ag na hiomarcaíochtaí i dtaca leis an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta agus i dtaca le fostaíocht;

- (f) tuairisc ar an bpacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe agus ar chaiteachas gaolmhar, lena n-áirítear, go háirithe, aon bhearta mar thaca le tionscnaimh fostaíochta do thairbhíthe, bídis faoi mhíbhuntáiste, níos sine nó óg;
- (g) míniú maidir le conas a chomhlánaíonn an pacáiste beart gníomhaíochtaí arna maoiniú ag cistí náisiúnta eile nó ag cistí eile an Aontais mar aon le faisnéis maidir le gníomhaíochtaí atá éigeantach d'fhiontair lena mbaineann de bhua an dlí náisiúnta nó de bhun comhaontuithe comhchoiteanna;
- (h) an buiséad measta do gach ceann de chomhpháirteanna an phacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe a bheidh ina dtaca ag na tairbhíthe a ndírítear orthu agus d'aon ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe;
- (i) na dátaí ar ar cuireadh tús leis na seirbhísí pearsantaithe do na tairbhíthe a ndírítear orthu agus leis na gníomhaíochtaí chun CED a chur chun feidhme, mar a leagtar amach in Airteagal 7(1) agus (4) faoi seach, nó na dátaí ar a cuireadh tús leo nó a bhfuiltear in ainm agus tús a chur leo;
- (j) na nósanna imeachta a leanadh chun comhairliúchán a dhéanamh leis na tairbhíthe a ndírítear orthu nó lena n-ionadaithe nó leis na comhpháirtithe sóisialta chomh maith le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha nó le heagraíochtaí ábhartha eile de réir mar is infheidhme;
- (k) ráiteas comhlíontachta maidir leis an tacaíocht arna hiarraidh ó CED, i leith rialacha nós imeachta agus ábhair an Aontais maidir le Státchabhair chomh maith le ráiteas ina dtabharfar sracléiriú ar an gcúis nach dtagann na seirbhísí pearsantaithe in ionad beart atá mar chúram ar na cuideachtaí de bhua an dlí náisiúnta nó de bhua comhaontuithe comhchoiteanna;
- (l) foinsí réamh-mhaoinithe nó cómhaoinithe náisiúnta agus cómhaoiniú eile más infheidhme;

Airteagal 9

Comhlántacht, comhlíonadh agus comhordú

- Ní chuirfear ranníocaíocht airgeadais ó CED in ionad gníomhaíochtaí atá mar fhreagracht ar chuideachtaí de bhua an dlí náisiúnta nó comhaontuithe comhchoiteanna.
- Comhlánóidh tacaíocht do na tairbhíthe a ndírítear orthu gníomhaíochtaí na mBallstát, ar leibhéal náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla lena n-áirítear iad siúd a chómhaoiníonn cistí Aontais.
- Beidh an ranníocaíocht airgeadais ó CED teoranta don mhéid is gá le dlúthpháirtíocht agus tacaíocht shealadach, aonuaire a chur ar fáil do na tairbhíthe a ndírítear orthu. Comhlíonfaidh na gníomhaíochtaí arna dtacú ag CED dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta, lena n-áirítear na rialacha maidir le Státchabhair.
- I gcomhréir lena bhfreagrachtaí féin, áiríteoidh an Coimisiún agus an Ballstát iarrthach comhordú an chúnamh ó chistí an Aontais.

- Maidir leis na gníomhaíochtaí sonracha atá ag fáil ranníocaíocht airgeadais ó CED, áiríteoidh an Ballstát iarrthach nach bhfaighidh siad cúnaimh ó ionstraimí airgeadais eile an Aontais freisin.

Airteagal 10

Comhionannas idir fir agus mná agus neamh-idirdhealú

Áiríteoidh an Coimisiún agus na Ballstáit maidir le comhionannas idir fir agus mná agus comhtháthú ghné na hinscne gur bunchuid iad de chur chun feidhme na ranníocaíochta airgeadais agus go gcuirfear chun cinn iad le linn na gcéimeanna éagsúla den ranníocaíocht airgeadais ó CED. Glacfaidh an Coimisiún agus an Ballstát céimeanna iomchuí chun aon idirdhealú atá bunaithe ar inscne, ar chine nó ar bhunadh eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar chlaonadh gnéasach a chosc maidir le rochtain ar CED agus le linn na gcéimeanna éagsúla de chur chun feidhme na ranníocaíochta.

Airteagal 11

Cúnaimh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún

- Ar thionscnamh ón gCoimisiún, féadfar uasmhéid 0,5 % d'uasmhéid bliantúil CED a úsáid i dtaca le maoiniú a dhéanamh ar ullmhú, ar fhaireachán, ar bhailiú sonraí agus ar bhunú bhonn eolais a bhaineann le cur chun feidhme CED. Féadfar é a úsáid freisin chun maoiniú a dhéanamh ar chúnamh teicniúil agus riaracháin, ar ghníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, mar aon le gníomhaíochtaí iniúchta, rialaithe agus measúnaithe is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme.

- Faoi réir na huasteorann a leagtar amach in mír 1, cuirfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle méid ar fáil le haghaidh cúnaimh teicniúil ag tús gach bliana ar bhonn togra ón gCoimisiún.

- Comhlíonfar na cúraimí a leagtar amach i mír 1 i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, mar aon leis na rialacha cur chun feidhme is infheidhme chun an buiséad a chur i gcrích sa chaoi sin.

- Áireofar ar chúnamh teicniúil an Choimisiúin faisnéis agus treoir a chur ar fáil do na Ballstáit maidir le húsáid CED, agus maidir le faireachán agus le meastóireacht a dhéanamh air. Ba cheart don Choimisiún faisnéis mar aon le treoir fhollasach a chur ar fáil freisin do na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta agus Eorpacha maidir le CED a úsáid.

Airteagal 12

Faisnéis, cumarsáid agus poiblíocht

- Cuirfidh an Ballstát iarrthach faisnéis ar fáil maidir le gníomhaíochtaí cistithe agus foilseoidh sé iad. Cuirfear faisnéis den sórt sin in iúl do na tairbhíthe ar a ndíreofar, do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, do chomhpháirtithe sóisialta, do na meáin agus don phobal i goitinne. Cuirfear béim ar ról an Aontais inti agus áiríteofar gur féidir an ranníocaíocht ó CED a fheiceáil.

2. Déanfaidh an Coimisiún láithreán idirlín a chothabháil agus a nuashonrú go rialta, a bheidh inrochtana sna teangacha oifigiúla uile de chuid an Aontais, chun faisnéis nuashonraithe a chur ar fáil maidir le CED, mar aon le treoir maidir le hiarratais a chur isteach, chomh maith le faisnéis maidir le hiarratais ar glacadh leo agus a diúltaíodh, agus ar ról Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle sa nós imeachta buiséadach.

3. Cuirfidh an Coimisiún gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun feidhme maidir le cásanna agus torthaí CED bunaithe ar a thairbh agus é mar aidhm aige feabhas a chur ar éifeachtacht CED agus a áirithiú go bhfuil a fhios ag saoránaigh agus ag oibrithe an Aontais mar gheall ar CED. Tuairisceoidh an Coimisiún ar úsáid CED gach dhá bhliain ar bhonn tíre agus earnála.

4. Na hacmhainní a leithdháilfeá ar gníomhaíochtaí cumarsáide faoin Rialachán seo, rannchuideoidh siad le cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais freisin, ar chuntar go mbaineann siad le cuspóirí ginearálta an Rialacháin seo.

Airteagal 13

Ranníocaíocht a chinneadh

1. Ar bhonn an mheasúnaithe arna chur i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 8, ag cur san áireamh go háirithe an líon tairbhíthe a ndírítear orthu, na gníomhaíochtaí beartaithe agus na costais mheasta, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht agus moladh a luaithé is féidir ar mhéid na ranníocaíochta airgeadais ó CED, más ann di, a fhéadfar a íoc laistigh de theorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil. Ní fhéadfaidh an méid dul thar 60 % de na costais iomlána mheasta dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 8(5).

2. I gcás ina gcinneann an Coimisiún, ar bhonn measúnaithe arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 8, gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le ranníocaíocht faoin Rialachán seo, cuirfidh sé tús láithreach an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 15.

3. I gcás ina gcinneann an Coimisiún, ar bhonn measúnaithe arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 8, nár comhlíonadh na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais faoin Rialachán seo, cuirfidh sé sin in iúl don Bhallstát is iarratasóir láithreach.

Airteagal 14

Incháilitheacht caiteachais

1. Beidh caiteachas incháilithe do ranníocaíocht ó na dátaí atá leagtha amach san iarratas de bhun pointe (f) Airteagal 8(5) ar a dtosaíonn an Ballstát lena mbaineann, nó ar a bhfuil an Ballstát lena mbaineann beartaithe le tosú ag soláthar na seirbhísí pearsantaithe do na tairbhíthe a ndírítear orthu nó an caiteachas riaracháin chun CED a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 7(1) agus (4) faoi seach.

2. I gcás deontas, beidh feidhm ag Airteagal 67 agus ag Airteagal 68 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh 1303/2013 ó

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾, agus le hAirteagal 14 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾, agus aon ghníomhartha tarmligthe comhlántacha arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun na Rialachán sin, dá réir sin.

Airteagal 15

An nós imeachta buiséadach

1. Cloifear sna socruithe do CED le pointe 13 den Chomhaontú Idirinstitiúideach.

2. Iontrálfar mar fhoráil na leithreasáí a bhaineann le CED i mbuiséad ginearálta an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún ar thaobh amháin agus Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an taobh eile, iarracht an t-am a thógann sé CED a shlógadh a íoslághdú.

4. I gcás ina gcinneann an Coimisiún go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais ó CED a chur ar fáil, cuirfidh sé togra isteach chun é a shlógadh. Glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go comphárteach an cinneadh chun CED a shlógadh laistigh de mhí amháin tar éis é a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe agus gníomhóidh Parlaimint na hEorpa trí thromlach de na comhaltaí a chomhdhéanann í agus trí thrí chúigiú de na vótaí arna gcaitheamh.

A chomhuain is a chuireann sé a thogra i láthair le haghaidh cinnidh chun CED a shlógadh, déanfaidh an Coimisiún togra a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le haistriú chuig na línte iomchuí buiséadacha. I gcás easaontais, cuirfeá tús le nós imeachta tríbhealach.

Déanfar aistriú a bhaineann le CED i gcomhréir le hAirteagal 27 den Rialachán Airgeadais.

5. An tráth céanna a ghlacann sé le togra le haghaidh cinnidh chun CED a chur in úsáid, glacfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le ranníocaíocht airgeadais, trí bhithin gnímh cur chun feidhme, a thiocfaidh i bhfeidhm ar an dáta a nglacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle leis an cinneadh chun CED a shlógadh.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh 1083/2006 ón gComhairle (Féach leathanach 320 den Iris Oifigiúil seo).

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 ón gComhairle (CE) (Féach leathanach 470 den Iris Oifigiúil seo).

6. Áireofar na nithe seo a leanas in aon togra le haghaidh cinnidh chun CED a shlógadh de bhun mhír 4:

- (a) an measúnú a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 8(4), mar aon le hachóimre ar an bhfaisnéis ar a bhfuil an measúnú sin bunaithe;
- (b) fianaise gur comhlíonadh na critéir atá leagtha síos in Airteagal 4 agus in Airteagal 9; agus
- (c) na cúiseanna lena dtugtar údar maith leis na méideanna beartaithe.

Airteagal 16

Íocaíocht agus úsáid na ranníocaíochta

1. Tar éis teacht i bhfeidhm Cinnidh maidir le ranníocaíocht i gcomhréir le hAirteagal 15(5) íocfaidh an Coimisiún an ranníocaíocht leis an mBallstát lena mbaineann in íocaíocht réamh-mhaoinithe de 100 % amháin, agus déanfar sin i bprionsabal laistigh de 15 lá. Déanfar an réamh-mhaoiniú a imríteach nuair a dhéanfar an ranníocaíocht a fhoirceannadh i gcomhréir le hAirteagal 18(2).

2. Déanfar an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear i mír 1 a chur chun feidhme faoi chomhbhainistíocht i gcomhréir le hAirteagal 59 den Rialachán Airgeadais.

3. Cinnfidh an Coimisiún téarmaí mionsonraithe teicniúla an mhaoinithe sa chinneadh maidir le ranníocaíocht dá dtagraítear in Airteagal 15(5).

4. Déanfaidh an Ballstát na gníomhaíochtaí incháilithe a leagtar amach in Airteagal 7 a luaithe agus is féidir, agus tráth nach déanaí ná 24 mí tar éis dháta tíolactha an iarratais de bhun Airteagal 8(1).

Féadfaidh an Ballstát a chinneadh go gcuirfear siar an dáta tosaigh le haghaidh na ngníomhaíochtaí incháilithe suas le trí mhí tar éis dháta taiscthe an iarratais. I gcás chur siar den sórt sin, déanfar na gníomhaíochtaí incháilithe laistigh den tréimhse 24 mhí tar éis an dáta tosaigh a chuir an Ballstát in iúl san iarratas.

I gcás ina bhfaighidh tairbhí rochtain ar chúrsa oideachais nó oiliúna ag a bhfuil ré dhá bhliain nó níos faide, féadfar na táillí do chúrsa den sórt sin a chur san áireamh le haghaidh cómhaoiniú CED suas go dtí an dáta ar a mbeidh an tuarascáil deiridh dá dtagraítear in Airteagal 18(1) dlite, ar choinníoll go mbeidh na táillí ábhartha íoctha roimh an dáta sin.

5. Agus na gníomhaíochtaí atá sa phacáiste seirbhísí pearsantaithe á ndéanamh aige, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann togra a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun na

gníomhaíochtaí a áirítear trí ghníomhaíochtaí incháilithe eile a liostaítear i bpointe (a) agus i bpointe (c) d'Airteagal 7(1) a leasú, ar choinníoll go bhfuil údar cúí tugtha le leasuithe den sórt sin agus nach dtéann an t-iomlán thar an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 15(5). Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na leasuithe arna mbeartú agus, má aontaíonn sé, tabharfaidh sé fógra don Bhallstát ina leith sin dá réir sin.

6. Beidh caiteachas de bhun Airteagal 7(4) incháilithe go dtí spriocdháta chur isteach na tuarascála deiridh.

Airteagal 17

Úsáid an euro

Is in euro a léireofar gach méid in iarratais, i gcinntí maidir le ranníocaíochtaí, i dtuarascálacha agus i ngach doiciméad eile, arna ndéanamh faoin Rialachán seo.

Airteagal 18

Tuarascáil deiridh agus dúnadh

1. Tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis dhul in éag na tréimhse atá sonraithe in Airteagal 16(4) déanfaidh an Ballstát lena mbaineann tuarascáil deiridh a thilacadh don Choimisiún maidir le cur chun feidhme na ranníocaíochta, lena n-áirítear faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) an cineál gníomhaíochtaí agus na príomhthorthaí;
- (b) ainmneacha na gcomhlachtaí a sheachadann an pacáiste beart sa Bhallstát;
- (c) saintréithe na dtairbhíthe a ndírítear orthu agus a stádas fostaíochta,
- (d) cibé acu an tairbhí Stáitchabhrach an gnóthas, cé is moite de mhicrifhiontair agus FBManna, nó maoiniú roimhe seo ó chistí comhtháthaithe nó struchtúracha an Aontais sna cúig bliana roimhe sin;
- (e) ráiteas lena dtugtar údar maith le caiteachas agus lena léirítear, aon uair is féidir, comhlántacht na ngníomhaíochtaí leo sin atá cistithe ag Coiste Sóisialta na hEorpa (CSE).

Aon uair is féidir, déanfar sonraí a bhaineann le tairbhíthe a mhiondealú de réir inscne.

2. Tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis don Choimisiún an fhaisnéis ar fad is gá faoi mhír 1 a fháil, cuirfidh sé deireadh leis an ranníocaíocht trí mhéid deiridh na ranníocaíochta airgeadais ó CED a chinneadh agus, más ann dó, an iarmhéid atá dlite ag an mBallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 22.

*Airteagal 19***Tuarascáil dhébhlíantúil**

1. Faoin 1 Lúnasa 2015 agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil chuimsitheach, chainníochtúil agus cháilíochtúil a chur i láthair Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh faoin Rialachán seo agus faoi Rialachán (AE) Uimh. 1927/2006 an dá bhliain roimhe sin. Díreofar go príomha sa tuarascáil ar na torthaí a bhain an CED amach agus go háirithe beidh faisnéis inti maidir le hiarratais a cuireadh isteach, cinntí a glacadh, gníomhaíochtaí a maoiníodh, lena n-áirítear staidreamh ar an ráta athmeasctha do thairbhíthe ar tugadh tacaíocht dóibh in aghaidh an Bhallstáit agus faisnéis maidir le comhlántacht gníomhaíochtaí den sórt sin le gníomhaíochtaí arna maoiniú ó chistí eile an Aontais, go háirithe CSE, agus faisnéis maidir le foirceannadh ranníocaíochtaí airgeadais a rinneadh. Ba cheart go bhfeicfí ann chomh maith na hiarratais sin a diúltaíodh nó a laghdaíodh de bharr easpa leithreasáí leordhóthanacha nó de bharr neamh-incháilítheachta.

2. Seolfar an tuarascáil ar mhaithe le faisnéis chuig an gCúirt Iniúchóirí, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig na comhpháirtithe sóisialta.

*Airteagal 20***Meastóireacht**

1. Déanfaidh an Coimisiún, as a stuaim féin agus i ndlúth-chomhar leis na Ballstáit:

(a) faoin 30 Meitheamh 2017, meastóireacht meántearma ar éifeachtacht agus ar inbhuanaitheacht na dtorthaí arna mbaint amach;

(b) faoin 31 Nollaig 2021, meastóireacht ex-post, le cabhair ó shaineolaithe seachtracha, chun tionchar CED agus a bhreisluach a thomhas.

2. Seolfar torthaí na meastóireachtaí dá dtagraítear i mír 1, mar fhaisnéis, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCúirt Iniúchóirí, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig na comhpháirtithe sóisialta. Ba cheart go gcuirfí moltaí na meastóireachtaí i gcuntas maidir le dearadh na gclár nua i réimse na ngnóthaí fostaíochta agus sóisialta.

3. Beidh ar áireamh sna meastóireachtaí dá dtagraítear i mír 1 na figiúirí ina dtaispeánfar líon na n-iarratas agus ina gcumhdófar feidhmíocht CED de réir tíre agus earnála, ionas go measúnófar ansroicheann CED a fhaighteoirí spriocdhíríthe.

*Airteagal 21***Bainistíocht agus rialú airgeadais**

1. Gan dochar d'fhreagracht an Choimisiúin as buiséad ginearálta an Aontais a chur chun feidhme, glacfaidh Ballstáit freagracht ar an gcéad dul síos as bainistíú gníomhaíochtaí arna dtacú ag CED agus as rialú airgeadais na ngníomhaíochtaí. Chuige sin, áireofar leis na bearta arna nglacadh acu:

(a) fíorú gur socraíodh bearta bainistíochta agus rialaithe agus go bhfuil siad á gcur chun feidhme ar bhealach ina n-áirítear go bhfuil cistí an Aontais á n-úsáid go

héifeachtúil agus i gceart, i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fóna airgeadais;

(b) fíorú go ndearnadh na gníomhaíochtaí arna maoiniú i gceart;

(c) áirithiú go bhfuil caiteachas arna mhaoiniú bunaithe ar dhoiciméid tacaíochta infhíoraithe, agus go bhfuil siad dleathach agus rialta;

(d) neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a cheartú mar a shainítear in Airteagal 122 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1303/2013 agus méideanna a fháil ar ais a íocadh go míchuí, mar aon le hús ar bith ar íocaíochtaí déanacha nuair is iomchuí. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon neamhrialtachtaí den sórt sin agus coimeádfaidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta maidir le haon imeachtaí riaracháin agus dlíthiúla a leanann astu.

2. Ainmneoidh na Ballstáit comhlachtaí chun go mbeidh siad freagrach as bainistíú agus rialú na ngníomhaíochtaí arna dtacú ag CED i gcomhréir le hAirteagal 59(3) den Rialachán Airgeadais agus leis na critéir agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1303/2013. Cuirfidh na comhlachtaí ainmnithe sin ar fáil don Choimisiún an fhaisnéis a leagtar amach in Airteagal 59(5) den Rialachán Airgeadais maidir le cur chun feidhme na ranníocaíochta nuair a bheidhan tuarascáil deiridh dá dtagraítear in Airteagal 18 den Rialachán seo á cur isteach acu.

3. Déanfaidh na Ballstáit na ceartuithe airgeadais is gá i gcás ina bhfaighfear neamhrialtacht. Beidh páirtchealú nó lánchealú na ranníocaíochta sna ceartuithe a dhéanfaidh na Ballstáit. Gnóthóidh na Ballstáit aon suim a íocadh go míchuí mar thoradh ar neamhrialtacht a bhraitear, íocfaidh siad ar ais é chuig an gCoimisiún agus, mura n-íoctar an tsuim san am a cheadaíonn an Ballstát iomchuí san am a cheadaítear, beidh ús mainneachtana dlite.

4. Glacfaidh an Coimisiún, sa mhéid atá freagracht air as cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais, gach céim eile is gá lena fhíorú go ndéantar na gníomhaíochtaí arna maoiniú go cuí agus de réir phrionsabail na bainistíochta fóna agus éifeachtúla airgeadais. Tá sé d'fhreagracht ar an mBallstát iarrthach a áirithiú go bhfuil córais bhainistíochta agus rialaithe a fheidhmítear i gceart acu. Deimhneoidh an Coimisiún dó féin go bhfuil na córais sin ar bun.

Chuige sin, gan dochar do chumhachtaí na Cúirte Iniúchóirí ná do na seiceálacha a rinne an Ballstát i gcomhréir le dlíthe náisiúnta, le rialacháin agus le forálacha riaracháin, féadfaidh oifigigh nó státseirbhísigh de chuid an Choimisiúin seiceálacha ar an láthair a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha samplacha, ar ghníomhaíochtaí arna maoiniú ag CED le fógra lá oibre amháin ar a laghad. Tabharfaidh an Coimisiún fógra maidir leis an mBallstát iarrthach d'fhonn an cúnadh go léir is gá a bhaint amach. Féadfaidh oifigigh nó státseirbhísigh an Bhallstáit lena mbaineann páirt a ghlacadh i seiceálacha den sórt sin.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go gcoinneofar na doiciméid tacaíochta ar fad maidir le caiteachas arna thabhuú agus go mbeidh siad ar fáil don Choimisiún agus don Chúirt Iniúchóirí ar feadh tréimhse trí bliana tar éis fhoirceannadh ranníocaíochta arna fáil ó CED.

*Airteagal 22***Ranníocaíocht airgeadais a aisíoc**

1. I gcásanna ina mbeidh costas iarbhír na gníomhaíochta níos lú ná an méid measta a luaitear de bhun Airteagal 15, glacfaidh an Coimisiún cinneadh, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme, ag ceangal ar an mBallstát lena mbaineann an tsuim chéanna den ranníocaíocht airgeadais a fuarthas a aisíoc.
2. I gcás ina mainneoidh an Ballstát lena mbaineann cloí leis na hoibleagáidí a luaitear sa chinneadh maidir le ranníocaíocht airgeadais, glacfaidh an Coimisiún na céimeanna is gá trí chinneadh a ghlacadh, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme, chun iallach a chur ar an mBallstát sin an ranníocaíocht airgeadais a fuarthas a aisíoc ina hiomláine nó i bpáirt.
3. Roimh ghlacadh le cinneadh faoi mhíreanna 1 nó 2, déanfaidh an Coimisiún scrúdú oiriúnach ar an gcás agus ceadóidh sé, go háirithe, tréimhse shonraithe ama don Bhallstát lena mbaineann chun a bharúlacha a chur isteach.
4. Má mheasann an Coimisiún, tar éis dó na fíoruithe is gá a chríochnú, nach bhfuil Ballstát ag cloí lena oibleagáidí faoi Airteagal 21 (1), déanfaidh sé cinneadh, mura bhfuil aon chomhaontú ann agus nach ndearna an Ballstát ceartuithe sa tréimhse a leag an Coimisiún amach, agus aon bharúlacha de

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 17 Nollaig 2013.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
L. LINKEVIČIUS

chuid an Bhallstáit á gcur san áireamh, laistigh de thrí mhí ó dheireadh na tréimhse dá dtagraítear i mír 3, chun na ceartuithe airgeadais riachtanacha a dhéanamh trí ranníocaíocht CED don ghníomhaíocht i dtrácht a chealú go hiomlán nó i bpáirt. Gheofar ar ais aon suim a íocadh go míchuí mar thoradh ar neamhrialtacht a bhraitear agus, mura n-íocann an Ballstát iarrthach an tsuim san am a cheadaítear, beidh ús mainneachtana dlite.

*Airteagal 23***Aisghairm**

Aisghairtear leis seo Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006, le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.

D'ainneoin na chéad míre, leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige i gcás iarratas a chuirfear isteach suas go dtí 31 Nollaig 2013.

*Airteagal 24***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige maidir le gach iarratas a chuirfear isteach idir 1 Eanáir 2014 agus 31 Nollaig 2020.

RIALACHÁN (AE) Uimh. 1310/2013 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE
an 17 Nollaig 2013

lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus a ndáileadh i dtaca leis an mbliain 2014 agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann lena gcur i bhfeidhm sa bhliain 2014

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 42 agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a bheith curtha chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) I Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, a mbeidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014, leagtar síos rialacha a rialaíonn tacaíocht an Aontais d'fhorbairt tuaithe agus aighairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle ⁽³⁾, gan dochar do chur i bhfeidhm leanúnach na Rialachán lena gcuirtear an Rialachán sin chun feidhme go dtí go ndéanfar iad a aisghairm. Chun an t-aistriú ó na scéimeanna tacaíochta atá ann faoi láthair faoi Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 chuig an gcreat dlí nua a chumhdóidh an chláirthréimhse a thosóidh an 1 Eanáir 2014 (“an chláirthréimhse nua”) a éascú, ba cheart rialacha idirthréimhseacha a ghlacadh d'fhonn aon deacracht nó aon mhoill maidir le cur chun feidhme na tacaíochta forbartha tuaithe a sheachaint, ar deacrachtaí nó moilleanna iad a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an dáta ar a nglacfar na cláir forbartha tuaithe nua a bheadh ina cúis leo. Ar an gcúis sin, ba cheart go mbeadh na Ballstát in ann leanúint de ghealltanais dhlíthiúla a ghabháil de láimh in 2014 faoina gclár forbartha tuaithe atá ann cheana, i gcás beart áirithe agus ba cheart go mbeadh an caiteachas a bheidh ann dá bharr incháilithe le haghaidh tacaíochta sa chláirthréimhse nua.

⁽¹⁾ IO C 341, 21.11.2013, lch. 71.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 (Féach leathanach 487 den Iris Oifigiúil seo)

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2005 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (IO L 277, 21.10.2005, lch. 1).

(2) I bhfianaise an athruithe mhóir sa mhodh atá molta i dtaca le limistéir a theorannú don chlár tréimhse atá le teacht, ar limistéir iad a bhfuil srianta suntasacha nádúrtha ag bagairt orthu níor cheart go mbeadh feidhm ag an oibleagáid a fhorchuirtear ar an bhfeirmeoir leanúint den fheirmeoireacht sa limistéar ar feadh cúig bliana maidir le gealltanais nua dhlíthiúla a tugadh in 2014.

(3) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú i rith an aistriú, ba cheart go mbeadh caiteachas áirithe, a dhéanfar de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005, incháilithe do ranníocaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) sa chláirthréimhse nua i gcás ina bhfuil íocaíochtaí fós le déanamh. Leis an bhforáil sin, ba cheart go gcumhdófaí freisin gealltanais fhadtéarma áirithe faoi bhearta comhchosúla dá bhforáiltear, i Rialachán (CEE) Uimh. 2078/92 ón gComhairle, agus i Rialachán (CE) Uimh. 1257/1999 ⁽⁴⁾ ⁽⁵⁾ i Rialachán (CEE) Uimh. 2080/92 ón gComhairle ⁽⁶⁾ agus i Rialachán (CE) Uimh. 1257/1999 ón gComhairle ⁽⁷⁾ i gcás ina raibh tacaíocht á tabhairt do na bearta sin faoi Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 agus go mbeidh íocaíochtaí le déanamh fós in 2014. Ar mhaithe le bainistiú fóna airgeadais agus cur chun feidhme éifeachtach na gclár, ba cheart caiteachas den sórt sin a shainaithint go soiléir sna cláir forbartha tuaithe agus ar fud chórais bhainistithe agus rialaithe na mBallstát. D'fhonn castacht nach bhfuil gá léi a sheachaint sa bhainistiú airgeadais ar chláir forbartha tuaithe sa chláirthréimhse nua, ba cheart go mbeadh feidhm ag rátaí cómhaoimithe na cláirthréimhse nua maidir le caiteachas idirthréimhseach.

(4) I bhfianaise na ndeacrachtaí tromchúiseacha a bhfuil roinnt Ballstát fós i ngleic leo maidir lena gcoibhsaíocht airgeadais, agus d'fhonn teorann a chur, le linn an trasdula ón gcláirthréimhse reatha go dtí an clár thréimhse nua, leis na drochéifeachtaí a eascraíonn ó

⁽⁴⁾ Council Regulation (EC) No 1257/1999 of 17 May 1999 on support for rural development from the European Agricultural Guidance and Guarantee Fund (EAGGF) and amending and repealing certain Regulations (OJ L 160, 26.6.1999, p. 80).

⁽⁵⁾ Rialachán (CEE) Uimh. 2078/1992 ón gComhairle an 30 Meitheamh 1992 lena gcuirtear scéim cabhrach comhphobail i gcrích le haghaidh beart foraoiseachta sa talmhaíocht (IO L 215, 30.7.1992, lch. 85).

⁽⁶⁾ Rialachán (CEE) Uimh. 2080/1992 ón gComhairle an 30 Meitheamh 1992 lena gcuirtear scéim cabhrach comhphobail i gcrích le haghaidh beart foraoiseachta sa talmhaíocht (IO L 215, 30.7.1992, lch. 96).

⁽⁷⁾ Rialachán (CE) Uimh. 12587/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach um Threoraíocht agus Rátháíocht Talmhaíochta (CETRT) agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán áirithe (IO L 160, 26.6.1999, p. 80).

na deacrachtaí sin tríd an úsáid is fearr a bhaint as cistí CETFT atá ar fáil, is gá síneadh a chur le tréimhse an mhaolaithe lena méadaítear uasrátaí ranníocaíochta chistí CETFT dá bhforáiltear in Airteagal 70(4c) de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle, go dtí an dáta deiridh incháilitheachta caiteachais don chlárthréimhse 2007-2013, eadhon go dtí an 31 Nollaig 2015.

- (5) Le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾, bunaítear scéimeanna tacaíochta nua agus tá feidhm le bheith aige ón 1 Eanáir 2015. Ba cheart, dá bhrí sin, go leanfadh Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle⁽²⁾ de bheith mar bhonn i gcónaí le tacaíocht ioncain a thabhairt d'fheirmeoirí sa bhliain féilire 2014 ach aa cheart Rialachán (AE) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle⁽³⁾ a chur san áireamh mar is iomchuí. D'fhonn comhsheasmhacht a áirithiú maidir le cur chun feidhme na bhforálacha maidir le tras-chomhlíonadh agus urramú na gcaighdeán atá riachtanach do bhearta áirithe, is gá foráil a dhéanamh go leanfaidh na forálacha ábhartha atá i bhfeidhm sa chlárthréimhse 2007-2013 d'fheidhm a bheith acu go dtí go dtiocfaidh an creat reachtach nua i bhfeidhm. Ar na cúiseanna céanna, ba cheart go leanfadh na forálacha a bhaineann le híocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha don Chróit, atá i bhfeidhm in 2013, d'fheidhm a bheith acu.
- (6) Le Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁴⁾, tugtar an fhéidearthacht do na Ballstáit na híocaíochtaí díreacha a réamh-íoc. Faoi Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, is gá don Choimisiún feidhmiú na féidearthachta sin a údarú. Tá sé léirithe ó thaithí a fuarthas agus scéimeanna tacaíochta díri á gcur chun feidhme gurb iomchuí cead a thabhairt d'fheirmeoirí réamhíocaíochtaí a fháil. Maidir le hiarratais a dhéanfar in 2014, ba cheart na réamhíocaíochtaí sin a theorannú go suas le 50 % de na scéimeanna tacaíochta atá a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 agus suas le 80 % den íocaíocht mhairteola agus laofheola.
- (7) D'fhonn Rialachán (AE) Uimh. 1311/2013 a chomhlíonadh, agus go háirithe an cothromú ar an méid atá ar fáil chun tacaíocht dhíreach a thabhairt d'fheirmeoirí chomh maith leis an sásra cóineasaithe sheachtraigh, is gá na huasteorainneacha náisiúnta atá socraithe in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 a mhodhnú don bhliain 2014. Ar ndóigh, beidh tionchar ag an modhnú ar na huasteorainneacha náisiúnta ar na méideanna a fhéadfaidh feirmeoirí aonair a fháil mar íocaíochtaí díreacha in 2014. Ba cheart, mar sin, an chaoi ina mbeidh tionchar ag an modhnú seo ar luach na dteidíochtaí íocaíochtaí agus ar leibhéal na n-íocaíochtaí díreacha eile a leagan síos. D'fhonn cás feirmeoirí beaga a chur san áireamh, go háirithe toisc nach mbeidh aon mhodhnú ná sásra coigeartaithe, lena n-áirítear go háirithe íocaíochtaí díreacha suas le EUR 5 000 a dhíolmhú ó shásra den sórt sin, infheidhme in 2014, maidir leis na Ballstáit nach dtugann íocaíochta athdháilte agus nach roghnaíonn cistí a aistriú chuig an tacaíocht don fhorbairt tuaithe tríd an sásra solúbthachta, ba cheart go mbeidís in ann gan luach na dteidíochtaí íocaíochtaí uile a laghdú.
- (8) Forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, go háirithe maidir leis na gnéithe a chumhdaítear leis na figiúirí a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán sin agus an nasc leis an deis a thugtar do na Ballstáit na cistí nach gcaitear sa scéim íocaíochta aonair a úsáid chun an tacaíocht shonrach a mhaoiniú, ba cheart iad a shoiléiriú ar bhonn na taithí a fuarthas i gcur chun feidhme airgeadais an Rialacháin sin.
- (9) Faoi Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, d'fhéadfadh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh céatadán áirithe dá nuasmhéid náisiúnta a úsáid mar thacaíocht shonrach dá bhfeirmeoirí, chomh maith le cinneadh roimhe sin a athbhreithniú trí chinneadh a dhéanamh an tacaíocht sin a mhodhnú, nó deireadh a chur léi. Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hathbhreithniú breise ar na cinntí sin le héifeacht ón mbliain féilire 2014. Ag an am céanna, na coinníollacha speisialta a leagtar amach in Airteagal 69(5) de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ar dá mbun a n-íoctar an tacaíocht shonrach i mBallstáit áirithe, atá le dul in éag in 2013, is gá iad a shíneadh ar feadh aon bhliain amháin eile, d'fhonn aon chur isteach ar mhéid na tacaíochta a sheachaint. I bhfianaise thabhairt isteach na tacaíochta deonaí cúpláilte a bheidh ar fáil amhail ón 1 Eanáir 2015 le haghaidh earnálacha nó réigiúin áirithe i gcásanna a shaineofar go soiléir, is iomchuí na Ballstáit a cheadú leibhéal chineálacha áirithe na tacaíochta sonraí a mhéadú go 6,5 % faoi Airteagal 68 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 in 2014.
- (10) Ba cheart go mbeadh an tacaíocht aonadach d'fheirmeoirí a bhfuil gabháiltais bheaga acu leordhóthanach chun an chuspóir de thacaíocht ioncain a bhaint amach ar bhealach éifeachtúil, agus nach mbeidh aon mhodhnú ná sásra coigeartaithe lena n-áirítear íocaíochtaí díreacha suas le EUR 5 000 a dhíolmhú ón sásra sin infheidhme in 2014, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann tacaíocht dhíreach a athdháileadh cheana in 2014 i measc na bhfeirmeoirí trí íocaíocht bhreise a thabhairt dóibh as na céad heicteár.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha le haghaidh íocaíochtaí díreacha d'fheirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (Féach leathanach den Iris Oifigiúil seo)

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle an 19 Eanáir 2009 lena mbunaítear comhrialacha le haghaidh scéimeanna tacaíochta díri d'fheirmeoirí faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus lena mbunaítear scéimeanna tacaíochta áirithe d'fheirmeoir agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005, Uimh. 247/2006, Uimh. 378/2007 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 (IO L 30, 31.1.2009, lch. 16).

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle lena leagtar síos an 17 Nollaig 2013 Creat Airgeadais Ilbhliantúil do na blianta 2014-2020 (Féach leathanach den Iris Oifigiúil seo).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an 17 Nollaig 2013 gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lean leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 352/78, Rialachán (CEE) Uimh. 165/94, (EC) Rialachán (CEE) Uimh. 2799/98, Rialachán (CEE) Uimh. 814/2000, (Rialachán (CEE) Uimh. EC) No 1290/2005 agus Rialachán (CEE) Uimh. 485/2008 (Féach leathanach den Iris Oifigiúil seo).

- (11) Scéim idirthrémhseach is ea an scéim íocaíochta aonair limistéir a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 agus bhí deireadh le cur léi an 31 Nollaig 2013. I gcomhthéacs an athchóirithe ar an gcomhbheartas talmhaíochta ("an CBT"), cinneadh go mbeadh na Ballstáit a chuireann an scéim i bhfeidhm in ann í a chur i bhfeidhm chun críocha an bhuníocaíochta a dheonadh le haghaidh tréimhse idirthrémhsí breise go dtí deireadh 2020 ar a dhéanaí. Dá bhrí sin, ba cheart tréimhse chur i bhfeidhm na scéime íocaíochta aonair limistéir i Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 a shíneadh le bliain amháin. Ina theannta sin, d'fhonn athstruchtúrú leanúnach talaimh a chur san áireamh agus ar chúiseanna simplithe, ba cheart go n-áireofaí le limistéir incháilithe talmhaíochta sna Ballstáit sin na limistéir incháilithe sin nach raibh riocht mhaith talmhaíochta orthu an 30 Meitheamh 2003, agus is amhlaidh a bheidh ón 1 Eanáir 2015 faoi Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.
- (12) I gcomhréir le hAirteagal 133a de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, féadfaidh na Ballstáit nua, seachas an Bhulgáir agus an Rómáin, a mbeidh an scéim íocaíochta aonair limistéir á cur i bhfeidhm acu cabhair idirthrémhseach náisiúnta d'fheirmeoirí a thabhairt in 2013. I bhfianaise tréimhse na scéime íocaíochta aonair limistéir a fhadú don bhliain 2014, ba cheart do na Ballstáit sin an fhéidearthacht sin a choimeád ar bun in 2014. I bhfianaise leibhéal na n-íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha sa Bhulgáir agus sa Rómáin in 2014, ar íocaíochtaí iad atá faoi Airteagal 132 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, ba cheart go bhféadfadh na Ballstáit sin cabhair idirthrémhseach náisiúnta a roghnú in 2014 seachas íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha a dheonú.
- (13) Tá cabhair idirthrémhseach náisiúnta le deonú faoi réir na coinníollacha céanna leis na coinníollacha a chuirtear i bhfeidhm ar an gcabhair sin in 2013, nó, i gcás na Bulgáire agus na Rómáine, faoi réir na gcoinníollacha céanna agus iad siúd a chuirtear i bhfeidhm ar íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha in 2013. D'fhonn bainistiú na cabhrach idirthrémhsí náisiúnta a shimpliú in 2014, áfach, níor cheart na laghduithe dá dtagraítear in Airteagal 132(2) i dteannta Airteagal 7 agus Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 a chur i bhfeidhm. Fairis sin, d'fhonn a áirithiú go bhfuil an chabhair idirthrémhseach náisiúnta comhtháite leis an sásra cóineasaithe, ba cheart go d-teorannófaí an t-uasleibhéal cabhrach chuig céatadán áirithe, de réir earnála. I bhfianaise na staid deacra airgeadais sa Chipir, ba cheart go ndéanfaí foráil sa Bhallstáit sin d'oiriúnaithe áirithe.
- (14) Le cur ar chumas na mBallstát aghaidh a thabhairt ar riachtanais a n-earnálacha talmhaíochta nó a mbeartas forbartha tuaithe a threisiú ar bhealach níos solúbtha, ba cheart go mbeidís in ann cistí a aistriú óna n-uasmhéideanna íocaíochta díri chuig an tacaíocht atá sannta acu don fhorbairt tuaithe agus vice versa. Ag an am céanna, ba cheart caoi a thabhairt do na Ballstáit sin ina bhfuil leibhéal na tacaíochta díri níos lú ná 90 % den mheánleibhéal tacaíochta san Aontas, cistí breise a aistriú óna dtacaíocht a shanntar don fhorbairt tuaithe go dtí a n-uasmhéideanna d'íocaíochtaí díreacha. Ba cheart roghanna den sórt sin a dhéanamh, faoi theorainneacha áirithe, don tréimhse iomlán lena gcuimsítear na blianta airgeadais 2015-2020, agus ba cheart go mbeidís in ann athbhreithniú a dhéanamh in 2017, ar choinníoll nach mbeidh aon laghdú sna méideanna arna leithdháileadh d'fhorbairt tuaithe mar thoradh ar athbhreithniú den sórt sin.
- (15) Le Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, rinneadh foráil d'aisghairm Threoir 80/68/CEE ón gComhairle ⁽²⁾ le héifeacht ón 22 Nollaig 2013. Chun na rialacha céanna faoi thras-chomhlíonadh a bhaineann le cosaint screamhuisce a choimeád leo siúd a leagtar síos iad i dTreoir 80/68/CEE ar lá deireanach a bailíochta, is iomchuí raon feidhme an tras-chomhlíonta a choigeartú agus caighdeán dea-bhaile talmhaíochta agus comhshaoil lena gcumhdaítear ceanglais Airteagal 4 agus Airteagal 5 araon den Treoir sin araon a shainiú.
- (16) Le hAirteagal 83 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, foráiltear doan tagairt d'Airteagal 3 de Threoir 914/414/CEE ón gComhairle ⁽⁴⁾ a fhorléiriú mar thagairt d'Airteagal 55 de Rialachán Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 sin. Le Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 áfach, rinneadh an tagairt sin a theorannú chun nach dtagraíonn sí anois ach don chéad agus don dara abairt d'Airteagal 55 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. D'fhonn comhsheasmhacht a áirithiú idir an ceanglas a bheidh ann in 2014 i dtaca le húsáid táirgí cosanta plandaí agus na ceanglais a bheidh ann sna blianta ina dhiaidh sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 a leasú dá réir.
- (17) Déantar foráil i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ⁽⁵⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle don tacaíochta do thógáil seiriceán a chomhtháthúsa chóras tacaíochta díri agus, mar thoradh air sin, dá bhaint ó Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. I bhfianaise chur chun feidhme moillithe an chórais tacaíochta díri nua, ba cheart leanúint de chabhair a thabhairt d'earnáil na seiriceán, ar feadh aon bhliain amháin eile.
- (18) Tá údarú faighte ag an bhFionlainn tacaíocht náisiúnta a íoc le hearnálacha áirithe talmhaíochta i ndeisceart na Fionlainne i gcomhréir le hAirteagal 141 d'Ionstraim Aontachais 1994. Agus uainiú athchóirití CBT á chur san áireamh agus mar gheall ar an staid dheacair eacnamaíoch a ghabhann leis an talmhaíocht i ndeisceart na Fionlainne agus go bhfuil tacaíocht shonrach de dhíth, dá bhrí sin, ar na táirgeoirí go fóill, is iomchuí foráil a dhéanamh do bhearta comhtháthaithe lena bhféadfaidh

⁽¹⁾ Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

⁽²⁾ Treoir 80/68/CEE ón gComhairle an 17 Nollaig 1979 maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú de bharr substaintí contúirteacha áirithe (IO L 20, 26.1.1980, lch. 43).

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

⁽⁴⁾ Treoir 914/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón 17 Nollaig 2013 gComhairle lena mbunaítear comheagrú na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007) ón gComhairle (Féach leathanach den Iris Oifigiúil seo)

an Fhionlainn, i gcomhréir le hAirteagal 42 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, údarú a fháil ón gCoimisiún cabhair náisiúnta a dheonú i ndeisceart na Fionlainne faoi choinníollacha áirithe. Ba cheart cabhair ioncaim a laghdú de réir a chéile ar feadh na tréimhse uile agus ba cheart, faoi 2020, nach mbeadh an t-ioncam sin níos mó ná 30 % de na suimeanna a dheonaítear in 2013.

- (19) Thairis sin, na forálacha maidir leis an gcóras comhairleach feirme, an córas comhtháite riaracháin agus rialaithe agus an tras-chomhlíonadh a leagtar síos i dTeideal III, i gCaibidil II de Theideal V agus i dTeideal VI faoi seach de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ba cheart go mbeadh feidhm leo ón 1 Eanáir 2015.
- (20) Tar éis Airteagal 136a a chur isteach i Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 is gá tagairtí d'Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 i Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 a leasú.
- (21) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 a leasú dá réir.
- (22) Ionas go mbeifí in ann na forálacha idirthréimhseacha atá beartaithe a chur i bhfeidhm go pras, tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe agus ba cheart go mbeadh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014. D'fhonn aon fhorlú a sheachaint idir na rialacha maidir le solúbthacht idir na colúin a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 agus i Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 a leasaítear leis an Rialachán seo, ba cheart go mbeadh feidhm ag an leasú áirithe sin ar Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón 31 Nollaig 2013 agus ba cheart go mbeadh feidhm ag na leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh feidhm ag na leasuithe ar Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, a bhfuil sé mar aidhm acu a áirithiú go leanfar leis na rialacha reatha maidir le tras-chomhlíonadh a áirithiú, ó dháta aisghairme Threoir 80/68/CEE.é.
- (23) Agus iad ag cur san áireamh an fhíríc go mbeidh an bhliain 2014 mar bhliain idirthréimhseach a mbeidh ar na Ballstáit cur chun feidhme iomlán an athchóirithe CBT a ullmú lena linn, tá sé tábhachtach a áirithiú go gcoimeádfar ar an dearbh-íosmeáid an t-ualach riaracháin a bheidh mar thoradh ar na socrúithe idirthréimhseacha a leagtar síos sa Rialachán seo,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA MAIDIR LE TACAÍOCHT D'FHORBAIRT TUAITHE

Airteagal 1

Gealltanais dhlíthiúla faoi Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 in 2014

1. Gan dochar d'Airteagal 88 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, féadfaidh na Ballstáit leanúint de ghealltanais nua

dhlíthiúla a thabhairt i ndáil le tairbhíthe in 2014, i ndáil leis na bearta dá dtagraítear in Airteagal 20, ach amháin pointí (a)(iii), mír (c)(i) agus pointe (d) de, agus in Airteagal 36 de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005, de bhun na gclár forbartha tuaithe a ghlactar ar bhonn an Rialacháin sin fiú tar éis idió acmhainní airgeadais na clártréimhse 2007-2013, ar choinníoll go gcuirtear isteach an t-iarratas ar thacaíocht roimh ghlacadh an chláir forbartha tuaithe a bhaineann le clárthréimhse 2014-2020.

Gan dochar do Phointe E d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le hlonstraim Aontachais 2012 ná do na forálacha a glacadh ar an mbonn sin, féadfaidh an Chróit leanúint de ghealltanais dhlíthiúla nua a thabhairt i ndáil le tairbhíthe in 2014 i ndáil leis na bearta dá dtagraítear i bpointí (a) agus (c) d'Airteagal 171(2) (a) agus (c) de Rialachán (CE) Uimh. 718/2007⁽¹⁾, de bhun chláir na hlonstraime um Chúnamh Réamhaontachais don Fhorbairt Tuaithe a glacadh ar bhonn an Rialacháin sin, fiú tar éis idió acmhainní ábhartha airgeadais an chláir sin, ar choinníoll go gcuirtear isteach an t-iarratas ar thacaíocht roimh ghlacadh a cláir forbartha tuaithe don chláirthréimhse 2014-2020.

Beidh an caiteachas a thabhaítear ar bhonn na ngealltanais sin incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 3 den Rialachán seo.

2. Ní bheidh feidhm ag an gcoinníoll a leagtar amach sa dara fleasc d'Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1257/1999 maidir le gealltanais nua dlí a thabharfaidh na Ballstáit faoi phointí (a)(i) agus (ii) d'Airteagal 36 den Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 in 2014.

Airteagal 2

Cur i bhfeidhm leanúnach Airteagal 50a agus Airteagal 51 de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005

Gan dochar d'Airteagal 88 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, leanfaidh Airteagal 50a agus Airteagal 51 de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 d'fheidhm a bheith acu go dtí an 31 Nollaig 2014 le hoibríochtaí a roghnófar faoi na cláir forbartha tuaithe de chláirthréimhse 2014-2020 de bhun phointe (a) agus phointe (b) Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 maidir leis an bpréimh bhliantúil, agus de bhun Airteagail 29 go 32, 34 agus 35 den Rialachán sin.

Airteagal 3

Incháilitheacht cineálacha áirithe caiteachais

1. Gan dochar d'Airteagal 6(1) agus Airteagal 88 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, maidir le caiteachas a bhaineann le gealltanais dhlíthiúla a thugtar do thairbhíthe agus a dhéantar faoi na beartais dá dtagraítear in Airteagal 20 agus in Airteagal 36 de Rialachán (CE) Uimh. 1968/2005, agus, gan dochar do Phointe E d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le hlonstraim Aontachais 2012 ná do na forálacha a glacadh ar an mbonn sin, i gcás na

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 718/2007 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2007 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1085/2006 ón gComhairle lena mbunaítear Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (ICR) (IO L 170, 29.6.2007, lch. 1).

Cróite, na bearta dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (c) d'Airteagal 171(2) (a) agus (c) de Rialachán (CE) Uimh. 718/2007, beidh sé incháilithe le haghaidh ranníocaíocht CETFT i gclárthréimhse 2014-2020 sna cásanna seo a leanas:

(a) maidir le híocaíochtaí a bheidh le déanamh idir an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2015, agus i gcás na Cróite, idir an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2016, gcás inar ídíodh an leithdháileadh airgeadais don bheart ábhartha den chlár faoi seach a glacadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 nó de bhun Rialachán (CE) Uimh. 718/2007 cheana féin; agus

(b) maidir le híocaíochtaí a bheidh le déanamh tar éis an 31 Nollaig 2015, agus, i gcás na Cróite, tar éis an 31 Nollaig 2016.

Beidh feidhm ag an mír seo freisin maidir le gealltanais dhlíthiúla dá bhforáiltear do thairbhíthe a dhéantar faoi bhearta comhréireacha i Rialachán (CE) Uimh. 1257/1999, Rialachán (CEE) Uimh. 2078/92 agus Rialachán (CEE) Uimh. 2080/92, ar bearta iad a raibh tacaíocht á fáil acu faoi Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005.

2. Beidh an caiteachas dá dtagraítear i mír 1 incháilithe chun ranníocaíocht a fháil ó CETFT sa chlárthréimhse 2014-2020 faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) go ndéantar foráil do chaiteachas den sórt sin sa chlár forbartha tuaithe a bhaineann le clárthréimhse 2014-2020;

(b) go bhfuil feidhm ag ráta ranníocaíochta CETFT den bheart comhfhreagrach faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo; agus

(c) go n-áirítear na Ballstáit go ndéanfar na hoibríochtaí idirthréimhseacha ábhartha a shainaithe go soiléir lena gcóras bainistithe agus rialaithe.

Airteagal 4

Cur i bhfeidhm forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 in 2014

De mhaolú ar Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, don bhliain 2014:

(a) léifear an tagairt do Chaibidil I de Theideal VI de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 in Airteagail 28, 29, 30 agus 33 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 mar thagairt d'Airteagal 5 agus d'Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 agus d'Iarscríbhinn II agus d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis.

(b) léifear an tagairt in Airteagal 40(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 d'Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 mar thagairt d'Airteagal 132 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009.

(c) léifear an tagairt i bpointe (a) d'Airteagal 40a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 d'Airteagal 16a de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 mar thagairt d'Airteagal 121 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009.

CAIBIDIL 2

LEASUITHE

Airteagal 5

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005

Leasaítear Airteagal 70(4)(c) Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 mar a leanas:

(a) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

"(4c) De mhaolú ar na huasteorainneacha a leagtar amach i mír 3, i mír 4 agus i mír 5, féadfar rannchuidiú CETFT a mhéadú go huasmhéid 95 % den chaiteachas poiblí incháilithe sna réigiúin atá incháilithe faoin gCuspóir Cóineasaithe agus sna réigiúin is forimeallaí agus sna hoileáin bheaga Aeigéacha, agus go 85 % den chaiteachas poiblí incháilithe i réigiúin eile. Beidh na rátaí seo i bhfeidhm maidir leis an gcaiteachas incháilithe a dhearbhófar as an nua i ngach dearbhú deimhnithe caiteachais go dtí an dáta deiridh incháilitheachta caiteachais don chlárthréimhse 2007-2013 an 31 Nollaig 2015 sa chás go gcomhlíonann Ballstát, ar annó ina dhiaidh sin, ceann de na coinníollacha a leanas:"

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fhomhír:

"Cuirfidh Ballstát ar mian leis leas a bhaint as an maolú dá bhforáiltear sa chéad fhomhír iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin a chlár forbartha tuaithe a mhodhnú dá réir sin. Beidh feidhm ag an maolú ón tráth a mbeidh modhnú an chláir formheasta ag an gCoimisiún."

Airteagal 6

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 73/2009

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 mar seo a leanas:

(1) In Airteagal 29, cuirtear isteach an mhír a leanas:

"5. De mhaolú ar mhír 2, déanfaidh na Ballstáit, ón 16 Deireadh Fómhair 2014 i leith, réamh-íocaíochtaí a íoc le feirmeoirí, de suas le 50 % de na híocaíochtaí díreacha faoi na scéimeanna tacaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I i ndáil le hiarratais a dhéanfar in 2014. I gcás na n-íocaíochtaí mairteola agus laofheola dá bhforáiltear i Roinn 11 de Chaibidil 1 de Theideal IV, féadfaidh na Ballstáit an céatadán sin a mhéadú chuig suas le 80 %."

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 40:

"Airteagal 40

Uasteorainneacha náisiúnta

1. Do gach Ballstát agus do gach bliain, beidh luach iomlán na dteidlíochtaí íocaíochta leithdháilte, an chúlchiste náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 41 agus na n-uasteorainneacha a socraítear i gcomhréir le hAirteagal 51(2) agus Airteagal 69(3) agus Airteagal 72b cothrom lena uasteorainn náisiúnta a socraítear in Iarscríbhinn VIII.

2. Más gá, déanfaidh Ballstát laghdú/méadú líneach ar luach gach teidlíochta ar íocaíocht, nó ar mhéid an chúilchiste náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 41 nó orthu araon d'fhonn a áirithiú go mbeidh siad i gcomhréir lena uasmhéid náisiúnta a shocraítear in Iarscríbhinn VIII.

Na Ballstáit a chinneann, chun críche an laghdaithe a mbeidh gá leis a fháil maidir le luach na dteidlíochtaí bhforáiltear sa chéad fhomhír, nach gcuirfidh siad Caibidil 5a de Theideal III den Rialachán seo chun feidhme, agus nach mbainfidh siad feidhm as an deis faoi Airteagal 136(a)1, féadfaidh siad cinneadh a dhéanamh gan na teidlíochtaí íocaíochta sin a ghníomhachtaigh feirmeoirí in 2013 a laghdú, ar feirmeoirí iad a rinne éilimh ar níos lú ná méid na n-íocaíochtaí díreacha agus atá le cinneadh ag an mBallstát lena mbaineann; ní rachaidh an méid sin os cionn EUR 5 000.

3. Gan dochar d'Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), maidir le méideanna na n-íocaíochtaí díreacha is féidir a dheonú i mBallstát i ndáil leis an mbliain féilire 2014 faoi Airteagail 34, 52, 53, 68 agus 72a den Rialachán seo agus maidir le cúnaimh do thógálaithe seiriceán faoi Airteagal 111 de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007, ní sháróidh siad na huasteorainneacha a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo don bhliain sin, a laghdaítear leis na méideanna a bheidh mar thoradh ar chur chun feidhme Airteagal 136b den Rialachán seo don bhliain féilire 2014 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VIIIa a ghabhann leis an Rialachán seo.

I gcás inar ghá, agus d'fhonn na huasteorainneacha a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo a chomhlíonadh, a laghdaítear leis na méideanna a bheidh mar thoradh ar chur chun feidhme Airteagal 136b don bhliain féilire 2014 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VIIIa a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfaidh na Ballstáit laghdú líneach sna méideanna íocaíochtaí díri maidir leis an mbliain féilire 2014.

(* Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/97, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch 549)."

(3) Cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal 41(1), pointe (b):

"(b) luach iomlán na dteidlíochtaí leithdháilte uile agus na dteorainneacha a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 51(2), le hAirteagal 69(3) agus le hAirteagal 72b den Rialachán seo."

(4) Cuirtear an fhomhír a leanas le hAirteagal 51(2):

"Don bhliain 2014, beidh na huasteorainneacha do na híocaíochtaí díreacha dá dtagraítear in Airteagal 52 agus Airteagal 53 comhionann leis na huasteorainneacha a shocraítear don bhliain 2013, iolraithe faoi chomhéifeacht a ríomhtar do gach Ballstát lena mbaineann tríd an uasteorainn náisiúnta do 2014 a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a roinnt faoin uasteorainn náisiúnta don bhliain 2013. Ní bheidh feidhm ag an iolrú seo ach maidir le Ballstáit ar ina leith a mbeidh an uasteorainn náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII don bhliain 2014 níos ísle ná an uasteorainn náisiúnta don bhliain 2013."

(5) In Airteagal 68(8), cuirtear an méid a leanas in ionad fhrása tosaigh:

"8. Faoin 1 Feabhra 2014 féadfaidh na Ballstáit sin a rinne an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 69(1) athbheithniú a dhéanamh ar an gcinneadh sin agus cinneadh a dhéanamh, a mbeidh éifeacht leis ó 2014, an méid seo a leanas a dhéanamh:"

(6) Leasaítear Airteagal 69 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 1:

"1. Féadfaidh Ballstáit cinneadh a dhéanamh, faoin 1 Lúnasa 2009, faoin 1 Lúnasa 2010, faoin 1 Lúnasa 2011, faoin 1 Meán Fómhair 2012, faoina dháta aontachais i gcás na Cróite, nó faoin 1 Feabhra 2014, go n-úsáidfidh siad, ón mbliain tar éis an chinnidh sin a dhéanamh, ó chéad bhliain chur chun feidhme na scéime íocaíochta díri i gcás na Cróite, nó i gcás cinnidh a dhéanfar roimh 1 Feabhra 2014, amháil ón bhliain 2014 ar aghaidh, suas le 10 % dá n-uasmhéid náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 40 nó, i gcás Mhálta, go n-úsáidfidh sí méid de EUR 2 000 000 chun an tacaíocht shonrach dá bhforáiltear in Airteagal 68(1) a thabhairt;"

(b) I mír 3, cuirtear an méid a leanas in ionad an dara fomhír:

"Chun comhlíonadh na n-uasteorainneacha náisiúnta a áirithiú mar a fhoráiltear in Airteagal 40(2) agus chun an ríomh dá dtagraítear in Airteagal 41(1) a dhéanamh, agus chun na gcríoch sin amháin, déanfar na méideanna a úsáidtear chun an tacaíocht dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 68(1) a dheonú a bhaint den uasteorainn náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 40(1). Áireofar iad mar theidlíochtaí ar íoca."

(c) i mír 4, cuirtear an céatadán "6,5 %" in ionad "3,5 %":

(d) Sa chéad abairt de mhír 5, cuirtear an bhliain "2014" in ionad na bliana "2013";

(e) I mír 6, cuirtear an méid a leanas in ionad an dara fomhír:

"Chun comhlíonadh na n-uasteorainneacha náisiúnta a áirithiú mar a fhoráiltear in Airteagal 40(2) agus chun an ríomh dá dtagraítear in Airteagal 41(1) a dhéanamh, agus chun na gcríoch sin amháin, má bhaineann Ballstát úsáid as an rogha dá bhforáiltear i bpointe (a) den chéad fhomhír den mhír seo, ní áireofar an méid lena mbaineann mar chuid de na huasteorainneacha a shocraítear faoi mhír 3 den Airteagal seo."

(7) I dTeideal III cuirtear an chaibidil seo a leanas isteach:

"Caibidil 5a

ÍOCAÍOCHT ATHDHÁILTE IN 2014

Airteagal 72a

Rialacha ginearálta

1. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, faoin 1 Márta 2014, íocaíocht a dheonú le haghaidh 2014 d'fheirmeoirí atá i dteideal íocaíochta faoin scéim íocaíochta aonair dá dtagraítear i gCaibidil 1, 2 agus 3 ("an íocaíocht athdháilte").

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir lena gcinneadh faoin 1 Márta 2014.

2. Na Ballstáit a chinn scéim na híocaíochta aonair a chur i bhfeidhm ar an leibhéal réigiúnach i gcomhréir le hAirteagal 46, féadfaidh siad an íocaíocht athdháilte a chur i bhfeidhm ar an leibhéal réigiúnach.

3. Gan dochar do chur i bhfeidhm an smachta airgeadais, do laghduithe líneacha dá dtagraítear in Airteagal 40(3), agus do chur i bhfeidhm Airteagal 21 agus Airteagal 23, deonófar an íocaíocht athleithdháilte o nuair a ghníomhachtóidh an feirmeoir na teidlíochtaí íocaíochta.

4. Ríomhfaidh na Ballstáit an íocaíocht athdháilte trí fhigiúr a shocróidh na Ballstáit nach mbeidh níos airde ná 65 % den mheáníocaíocht náisiúnta nó réigiúnach in aghaidh an heicteáir a mhéadú faoi líon na dteidlíochtaí íocaíochta a ghníomhachtaigh an feirmeoir i gcomhréir le hAirteagal 34. Ní rachaidh líon na dteidlíochtaí íocaíochta sin thar uasmhéid a bheidh le socrú ag na Ballstáit, ar uasmhéid é nach mó é ná 30 heicteár, nó meánmhéid na ngabháltas talmhaíochta mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VIIIb, má tá an meánmhéid sin níos airde ná 30 heicteár sa Bhallstát lena mbaineann.

5. Ar an gcoinníoll go n-urramófar na huasteorainneacha a leagtar amach i mír 4, féadfaidh na Ballstáit, ar an leibhéal náisiúnta, grádú a chur i mbun laistigh de líon na heicteáir a shocraítear i gcomhréir leis an bhfómhír sin, agus beidh feidhm chomhionann acu maidir leis na feirmeoirí uile.

6. An mheáníocaíocht náisiúnta in aghaidh an heicteáir dá dtagraítear i mír 1, bunóidh na Ballstáit í ar bhonn na huasteorainneacha náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinn VIIIc agus ar bhonn líon na heicteáir incháilithe a dhearbhfófar i gcomhréir le hAirteagal 34(2) in 2014.

An mheáníocaíocht réigiúnach in aghaidh an heicteáir dá dtagraítear s i mír 4, bunóidh na Ballstáit í trí sciar den uasteorainneacha náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinn VIIIc a úsáid mar aon le líon na heicteáir incháilithe a dhearbhfófar sa réigiún lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 34(2) in 2014. I gcás gach réigiúin, ríomhfar an sciar sin tríd an uasteorainneacha réigiúnach faoi seach a

leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 46(3) a roinnt ar an uasteorainneacha a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 40 don bhliain 2014.

7. Áiritheoidh na Ballstáit nach dtabharfar aon bhuntáiste dá bhforáiltear 'fheirmeoirí a bhfuil sé suite ina leith, tar éis 18 Deireadh Fómhair 2011, gur roinn siad a ngabháltas agus gan é d'aidhm acu ach tairbhe a bhaint as an íocaíocht athdháilte. Beidh feidhm aige sin freisin maidir le feirmeoirí ar toradh iad a ngabháltas ar an roinnt sin.

Airteagal 72b

Forálacha airgeadais

1. Chun an íocaíocht athdháilte a mhaoiniú, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, faoin 1 Márta 2014, suas le 30 % den uasteorainneacha náisiúnta bhliantúil a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 40 a úsáid don bhliain éilimh 2014. Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi aon chinneadh den sórt sin faoin dáta sin.

2. Ar bhonn an chéatadáin den uasteorainneacha náisiúnta a bheidh le húsáid ag na Ballstáit de bhun mhír 1 den Airteagal seo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena socraítear an uasteorainneacha chomhfhreagrach don íocaíocht athdháilte sin trí bhíthin gníomhartha tarmiligthe. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 141b(2)."

(8) In Airteagal 90, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 3:

"3. Socrófar méid na cabhrach in aghaidh an heicteáir a bhunú trí na fáiltais a bhunaítear i mír 2 a iolrú faoi na méideanna tagartha a leanas:

An Bhulgáir: EUR 520,20

An Ghréig: EUR 234,18

An Spáinn: EUR 62,15

An Phortaingéil: EUR 228,00".

(9) In Airteagal 122, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 3:

"3. Beidh an scéim íocaíochta aonair limistéir ar fáil go dtí an 31 Nollaig 2014."

(10) In Airteagal 124, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

"1. Beidh limistéir talmhaíochta Ballstáit nua faoin scéim íocaíochta aonair ar an gcuid sin den limistéir talmhaíochta a úsáidtear agus a gcoinnítear dea-bhail air, bíodh táirgeadh á dhéanamh air nó nach bíodh, agus, i gcás inarb iomchuí, a choigeartaítear i gcomhréir leis na critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheach le socrú ag an mBallstát nua tar éis don Choimisiún iad a fhaomhadh.

Chun críocha an Teidil seo, ciallóidh 'limistéar talmhaíochta a úsáidtear' an limistéar iomlán ar talamh arúil é, atá faoi fhéarach buan, faoi bharr buana nó faoi gharraí cistine, mar a bhunaíonn an Coimisiún é chun críocha staidrimh.

2. Chun críche íocaíochtaí a dheonú faoin scéim íocaíochta aonair limistéir, beidh gach dáileacht talmhaíochta atá i gcomhréir leis na critéir dá bhforáiltear i mír 1, chomh maith le dáileachtaí talmhaíochta a chuirtear le garráin ghearruainíochta (cód AC ex 0602 90 41) incháilithe.

Ach amháin i gcás force majeure nó in imthosca eisceachtúla, beidh na dáileachtaí dá dtagraítear sa chéad fhómhír ar fáil don fheirmeoir ar an dáta a shocróidh an Ballstát, ar dáta é nach déanaí ná an dáta a shocrófar sa Bhallstát sin chun leasú a dhéanamh ar an iarratas ar chabhair.

0,3 ha a bheidh in íosmhéid an limistéir incháilithe in aghaidh an ghabháltais ar féidir íocaíochtaí a iarraidh ina leith. Féadfaidh aon Bhallstát nua a chinneadh, ar bhonn critéir oibiachtúil agus tar éis don Choimisiún é a fhaomhadh, an íosmhéid a shocrú ag leibhéal níos airde ar choinníoll nach rachaidh sé thar 1 ha."

(11) Cuirtear an Chaibidil seo a leanas isteach i dTeideal V:

"Caibidil 2a

ÍOCAÍOCHT ATHDHÁILTE IN 2014

Airteagal 125a

Rialacha ginearálta

1. Féadfaidh na Ballstáit a bhfuil an scéim íocaíochta aonair limistéir á feidhmiú acu a chinneadh, faoin 1 Márta 2014, íocaíocht a dheonú le haghaidh 2014 d'fheirmeoirí atá i dteideal íocaíochta faoin scéim íocaíochta aonair limistéir dá dtagraítear i gCaibidil 2 ("an íocaíocht athdháilte do Bhallstáit nua").

Cuirfidh na Ballstáit nua lena mbaineann an Coimisiún ar an eolas maidir lena ginneadh faoin 1 Márta 2014.

2. Gan dochar do chur i bhfeidhm an smachta airgeadais agus do chur i bhfeidhm Airteagal 21 agus 23, beidh an íocaíocht athdháilte do Bhallstáit nua ina mhéadú ar na méideanna in aghaidh an heicteáir a dheonófar faoin scéim íocaíochta aonair limistéir.

3. Ríomhfaidh na Ballstáit an íocaíocht athdháilte trí fhigiúr a shocróidh na Ballstáit nach mbeidh níos airde ná 65 % den mheáníocaíocht náisiúnta in aghaidh an heicteáir a iolrú ar líon na heicteáir incháilithe a ndéonófar méideanna don fheirmeoir ina leith faoin scéim íocaíochta aonair limistéir. Ní bheidh líon na heicteáir sin níos airde ná 30 heicteár nó, má tá an meánmhéid sin níos airde ná 30 heicteár sa Bhallstát nua lena mbaineann, meánmhéid na ngabháltas talmhaíochta mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VIIIb.

4. Ar an gcoinníoll go n-urramófar na huasteorainneacha a leagtar amach i mír 3, féadfaidh na Ballstáit grádú a bhunú ar an leibhéal náisiúnta laistigh de líon na heicteáir a shocraítear i gcomhréir leis an bhfómhír sin, agus beidh feidhm chomhionann acu maidir leis na feirmeoirí uile.

5. An mheáníocaíocht náisiúnta in aghaidh an heicteáir dá dtagraítear i mír 3, bunóidh na Ballstáit í ar bhonn na huasteorann náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinn VIIIc agus ar líon na heicteáir incháilithe a dhearbhoífar faoin scéim íocaíochta aonair limistéir in 2014.

6. Áiritheoidh na Ballstáit nua nach dtabharfar aon bhuntáiste d'fheirmeoirí a bhfuil sé suite ina leith gur roinn siad, ón 18 Deireadh Fómhair 2011, a ngabháltas agus gan é d'aidhm acu ach tairbhe a bhaint as an íocaíocht athdháilte do na Ballstáit nua. Beidh feidhm aige sin freisin maidir le feirmeoirí ar toradh iad a ngabháltais ar an roinnt sin.

Airteagal 125b

Forálacha airgeadais

1. Chun an íocaíocht leithdháilte dá dtagraítear a mhaoiniú do na Ballstáit nua, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, faoin 1 Márta 2014, suas le 30 % den uasteorainn náisiúnta bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 40 a úsáid don bhliain éilimh 2014, nó maidir leis an mBulgáir nó an Rómáin, na méideanna a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII d. Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi aon chinneadh den sórt sin faoin dáta sin.

Déanfar an clúdach bliantúil airgeadais in Airteagal 123 a laghdú faoin méid dá dtagraítear sa chéad fhómhír.

2. Ar bhonn an chéatadain den uasteorainn náisiúnta a bheidh le húsáid ag na Ballstáit nua lena mbaineann de bhun mhír 1 den Airteagal seo, socróidh an Coimisiún, trí bhithin gníomhartha tarmligthe, an uasteorainn chomhfhreagrach don íocaíocht athdháilte do Bhallstáit nua agus an laghdú comhfhreagrach don chlúdach airgeadais bliantúil ansin dá dtagraítear in Airteagal 123. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 141b (2)."

(12) In Airteagal 131, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 1:

"1. Féadfaidh na Ballstáit nua, agus an scéim íocaíochta aonair limistéir á cur i bhfeidhm acu, cinneadh a dhéanamh faoin 1 Lúnasa 2009, faoin 1 Lúnasa 2010, i mír 4, faoin 1 Lúnasa 2011, faoin 1 Meán Fómhair 2012 nó faoin 1 Feabhra 2014, go n-úsáidí, ón mbliain tar éis an chinnidh sin, nó i gcás cinneadh a dhéanfar faoin 1 Feabhra 2014, ón mbliain 2014, suas le 10 % dá nuasteorainneacha dá dtagraítear in Airteagal 40 chun tacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí mar a leagtar amach in Airteagal 68(1) agus i gcomhréir le Caibidil 5 de Theideal III, de réir mar is infheidhme dóibh."

(13) In Airteagal 133a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

"Cabhair idirthréimhseach náisiúnta in 2013"

(14) I gCaibidil 4 de Theideal V, cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"Airteagal 133b

Cabhair idirthréimhseach náisiúnta in 2014

1. Na Ballstáit a bhfuil an íocaíocht aonair limistéir á feidhmiú acu i gcomhréir le hAirteagal 122, féadfaidh siad a chinneadh cabhair idirthréimhseach náisiúnta a dheonú in 2014.

2. Ní fhéadfaidh an Bhulgáir ná an Rómáin cabhair a dheonú faoin Airteagal seo ach amháin má chinneann siad faoi 1 Feabhra 2014 gan aon íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha faoi Airteagal 132 a dheonú, in 2014.

3. Féadfar an chabhair faoin Airteagal seo a dheonú ar fheirmeoirí in earnálacha ar deonaíodh cabhair idirthréimhseach náisiúnta orthu ina leith de bhun Airteagal 133a, nó i gcás na Bulgáire agus na Rómáine, ar deonaíodh íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha orthu de bhun Airteagal 132 in 2013.

4. Beidh na coinníollacha chun an chabhair faoin Airteagal seo a dheonú díreach mar an gcéanna leo sin a údarófar chun íocaíochtaí a dheonú de bhun Airteagal 132 nó 133a i leith 2013, seachas na laghduithe de bharr chur i bhfeidhm Airteagal 132(2) i gcomhar le hAirteagal 7 agus 10.

5. Déanfar suim iomlán na cabhrach sin a fhéadfar a dheonú ar fheirmeoirí i gceann ar bith de na hearnálacha dá dtagraítear i mír 3 a theorannú do 80 % den chlúdach airgeadais is sonrach don earnáil i leith 2013, mar a údaróidh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 133a(5) nó i gcás na Bulgáire agus na Rómáine, i gcomhréir le hAirteagal 132(7).

Leagtar amach na himchlúdaigh airgeadais don Chipir atá sonrach ó thaobh earnála de in Iarscríbhinn XVIIa.

6. Ní bheidh feidhm ag mír 3 ná ag mír 4 maidir leis an gCipir.

7. Tabharfaidh na Ballstáit nua fógra maidir leis na cinntí dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 don Choimisiún faoin 31 Márta 2014. San fhógra maidir leis an gcinneadh dá dtagraítear i mír 1, áireofar an fhaisnéis seo a leanas:

(a) an clúdach airgeadais do gach earnáil;

(b) uasráta na cabhrach idirthréimhsí náisiúnta, i gcás inarb iomchuí.

8. Féadfaidh na Ballstáit nua cinneadh a dhéanamh, de bhun critéar oibiachtúil agus laistigh de na teorainneacha atá údaraithe ag an gCoimisiún de bhun mhír 5, maidir le méid na cabhrach idirthréimhsí náisiúnta a dheonófar."

(15) I dTeideal VI, cuirtear an tAirteagal a leanas leis:

"Airteagal 136a

Solúbthacht idir cholúin

1. Faoin 31 Nollaig 2013, féadfaidh Ballstáit cinneadh a dhéanamh suas le 15 % dá n-uasteorainneacha bliantúla náisiúnta don bhliain féilire 2014, a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo agus dá n-uasteorainneacha bliantúla náisiúnta do na blianta féilire 2015-2019, a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), a chur ar fáil mar thacaíocht bhreise do bhearta faoi chláraíocht forbartha tuaithe a mhaoinítear faoi CETFT a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**). Dá bhrí sin, ní bheidh an méid comhfhreagrach ar fáil a thuilleadh le híocaíochtaí díreacha a dheonú.

Cuirfear an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír in iúl don Choimisiún faoin 31 Nollaig 2013. Leagfar amach leis an gcinneadh sin an céatadán dá dtagraítear san fhomhír sin, agus féadfaidh sin athrú de réir na bliana féilire.

Maidir leis na Ballstáit nach nglacfaidh an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír i ndáil leis an mbliain airgeadais 2014, féadfaidh siad an cinneadh sin a ghlacadh, i ndáil leis na blianta féilire 2015 go 2019, faoin 1 Lúnasa 2014. Tabharfaidh siad fógra faoi chinneadh den sórt sin don Choimisiún faoin dáta sin.

Féadfaidh Ballstáit cinneadh athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh dá dtagraítear sa mhír seo le héifeacht ón mbliain féilire 2018. Ní bheidh mar thoradh ar athbhreithniú den sórt sin cinneadh chun laghdú a dhéanamh ar an gcéatadán a cuireadh in iúl don Choimisiún i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, an dara fhomhír agus an tríú fhomhír. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi aon chinneadh den sórt sin i ndáil leis an athbhreithniú faoin 1 Lúnasa 2017.

2. Faoin 31 Nollaig 2013, féadfaidh Ballstáit nach nglacann an cinneadh dá dtagraítear i mír 1 féadfaidh siad a chinneadh suas le 15 % a chur ar fáil mar íocaíochtaí díreacha, nó i gcás na dtíortha seo: an Bhulgáir, an Eastóin, an Laitvia, an Spáinn, an Liotuáin, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an Fhionlainn an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe cinneadh a dhéanamh suas le 25 % den mhéid a leithdháiltear mar thacaíocht do na bearta faoin gclárú forbartha tuaithe a mhaoinítear faoi CETFT don tréimhse 2015-2020 mar a shonraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 a chur ar fáil faoi na Rialacháin sin. Dá bhrí sin, ní bheidh an méid comhfhreagrach ar fáil a thuilleadh le haghaidh beart tacaíochta faoi chláraíocht forbartha tuaithe.

Déanfar fógra a thabhairt don Choimisiún faoin 31 Nollaig 2013 maidir leis an gcinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Leagfar amach leis an gcinneadh sin an céatadán dá dtagraítear san fhomhír sin agus féadfaidh sin athrú de réir na bliana féilire.

Maidir leis na Ballstáit nach nglacfaidh an cinneadh dá dtagraítear chéad fhomhír i ndáil leis an m hliain airgeadais 2015, féadfaidh siad, faoin 1 Lúnasa 2014, an cinneadh sin a ghlacadh, i ndáil leis an tréimhse 2016-2020. Tabharfaidh siad fógra faoi aon chinneadh den sórt sin don Choimisiún faoin dáta sin.

Féadfaidh Ballstáit a chinneadh athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh dá dtagraítear sa mhír seo le héifeacht ón mbliain airgeadais 2019 agus ón mbliain airgeadais 2020 i leith. Ní bheidh mar thoradh ar athbhreithniú den sórt sin cinneadh chun méadú a dhéanamh ar an gcéatadán a cuireadh in iúl don Choimisiún i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, an dara fhomhír agus an tríú fhomhír. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon chinneadh atá bunaithe ar athbhreithniú den sórt sin i ndáil leis an athbhreithniú faoin 1 Lúnasa 2017.

3. D'fhonn na cinní a dtabharfaidh na Ballstáit fógra ina leith i gcomhréir le mír 1 agus mír 2 a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 141a lena ndéanfar athbhreithniú ar na huasteorainneacha a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII.

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 20 Meán Fómhair 2005 maidir le tacaíocht don fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487).

(**) Rialachán (AE) Uimh. 1307 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha le haghaidh íocaíochtaí díreacha d'fheirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 608)."

(16) I dTeideal VI, cuirtear isteach an tAirteagal a leanas:

"Airteagal 136b

Aistriú go CETFT

Na Ballstáit a dhéanann cinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 136, méid a chur ar fáil ón mbliain airgeadais 2011 chun tacaíocht a fháil ón Aontas faoi chláraigrú agus faoi mhaoiniú na forbartha tuaithe faoi CETFT, leanfaidh siad de na méideanna in Iarscríbhinn VIIIa a chur ar fáil do chláraigrú agus do mhaoiniú na forbartha tuaithe faoi CETFT don bhliain airgeadais 2015."

(17) cuirtear isteach an tAirteagal a leanas:

"Airteagal 140a

Tarmligtean na gcumhachtaí

D'fhonn na cinní a dtabharfaidh na Ballstáit fógra ina leith i gcomhréir le mír 1 agus mír 2 d'Airteagal 136a(1) agus (2) a chur san áireamh, mar aon le haon mhodhnú eile ar

na huasteorainneacha náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 141a lena ndéanfar coigeartú ar na huasteorainneacha a leagtar amach in Iarscríbhinn VIIIc a ghlacadh.

D'fhonn a áirithiú go gcuirfean an laghdú líneach dá bhforáiltear faoi Airteagal 40(3) i bhfeidhm ar an mbealach is fearr in 2014, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 141a, lena leagtar síos rialacha i ndáil le ríomh na laghduithe a chuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm maidir le feirmeoirí de bhun Airteagal 40(3)."

(18) Cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal 141a:

"Airteagal 141a

An tarmligtean a fheidhmiú

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 11a, in Airteagal 136a(3) agus in Airteagal 140a a thabhairt don Choimisiún go dtí an 31 Nollaig 2014.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligtean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 11a agus in Airteagal 136a(3) agus in Airteagal 140a a chúilghairm tráth ar bith. Cuirfidh cinneadh cúlghairme deireadh le tarmligtean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis lá foilsithe an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta ina dhiaidh sin a shonrófar sa chinneadh sin. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 11a, Airteagal 136a(3) agus Airteagal 140a i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó, más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Cuirfean dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle."

(19) Leasaítear Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn VIII agus Iarscríbhinn XVIIa agus cuirtear isteach Iarscríbhinní VIIIa, VIIIb, VIIIc agus VIId nua i gcomhréir le pointí (1), (5) agus (6) d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

(20) Leasaítear Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III i gcomhréir le pointe (1), agus le pointe (2) d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 7***Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 mar a leanas:

(1) In Airteagal 6, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 3:

"3. D'fhonn forbairtí maidir le huasmhéideanna iomlána na n-íocaíochtaí díreacha is féidir a dheonú a chur san áireamh, lena n-áirítear forbairtí atá ann mar thoradh ar chinntí a dhéanann na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 136a de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 agus Airteagal 14 den Rialachán seo agus iad siúd atá ann mar thoradh ar Airteagal 20(2) den Rialachán seo a chur i bhfeidhm, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 den Rialachán seo chun athbhreithniú a dhéanamh lena ndéantar na huasteorainneacha náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a ghlacadh."

(2) In Airteagal 26(6), cuirtear an fhomhír a leanas i ndiaidh na chéad fhomhíre deiridh:

"Chun críocha na modhanna ríofa dá bhforáiltear san Airteagal seo, ar an gcoinníoll nach gcuirfean an íocaíocht athdháilte de bhun Airteagal 41 i bhfeidhm, cuirfidh na Ballstáit san áireamh ina hiomláine an tacaíocht a dheonófar don bhliain féilire 2014 faoi Airteagal 72a agus faoi Airteagal 125a de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009."

(3) In Airteagal 36(3), cuirtear an fhomhír a leanas i ndiaidh na chéad fhomhíre deiridh:

"Chun idirdhealú a dhéanamh idir an scéim íocaíochta aonair limistéir, agus ar choinníoll nach gcuirfean an íocaíocht athdháilte de bhun Airteagal 41 i bhfeidhm, cuirfidh na Ballstáit san áireamh ina hiomláine an tacaíocht a dheonófar don bhliain féilire 2014 faoi Airteagal 125a de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009."

(4) In Airteagal 72(2), cuirtear an fhomhír a leanas i ndiaidh na chéad fhomhíre deiridh:

"Leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige i ndáil le hiarratais ar chabhair a bhaineann le blianta éilimh a thosaíonn roimh an 1 Eanáir 2015."

*Airteagal 8***Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 leis seo mar a leanas:

(1) In Airteagal 119(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fhomhír:

"Beidh feidhm ag Airteagal 31 de Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 agus ag na rialacha ábhartha cur chun feidhme i gcónaí go dtí an 31 Nollaig 2014, agus beidh feidhm ag Airteagal 30 agus ag Airteagal 44a de Rialachán (CE) 1290/2005 agus ag na rialacha ábhartha cur chun

feidhme maidir le caiteachas a thabhaítear agus íocaíochtaí a dhéantar do bhliain airgeadais talmhaíochta 2013 faoi seach, áfach."

(2) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"*Airteagal 119a*

Maolú ar Rialachán (AE) Uimh. 966/2012

De mhaolú ar Airteagal 59(5) de Rialachán (AE) Uimh. 966/2012 agus ar Airteagal 9(1) den Rialachán seo, don bhliain airgeadais talmhaíochta 2014, ní bheidh sé riachtanach tuairim an chomhlachta dheimhniúcháin chun a shuí an raibh an caiteachas ar i dtaca leis a iarradh aisíocaíocht ón gCoimisiún ina leith dlíthiúil agus rialta."

(3) Cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal 121, cuirtear an meid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas, áfach:

(a) Beidh feidhm ag Airteagail 7, 8, 16, 25, 26 agus 43, ón 16 Deireadh Fómhair 2013 ar aghaidh;

(b) Airteagal 52, Teideal III, Caibidil II de Theideal V, Teideal VI ón 1 Eanáir 2015;

3. D'ainneoin mhír 2 agus mhír 3:

(a) Beidh feidhm ag Airteagail 9, 18, 40 agus 51 do i dtaca le caiteachas arna dhéanamh ón 16 Deireadh Fómhair ar aghaidh."

(b) Beidh feidhm ag Caibidil IV de Theideal VII d'íocaíochtaí a dhéanfar ón mbliain airgeadais talmhaíochta ó 2014 i leith."

*Airteagal 9***Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 mar a leanas:

(1) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"*Airteagal 214a*

Íocaíochtaí náisiúnta d'earnálacha áirithe san Fhionlainn

Faoi réir a údaraithe ag an gCoimisiún, don tréimhse 2014-2020, féadfaidh an Fhionlainn na cabhracha náisiúnta a dheonú a dheonaigh sí in 2013 i gcónaí do tháirgeoirí ar bhonn Airteagal 141 d'Ionstraim Aontachais 1994, ar choinníoll:

(a) go mbeidh méid na cabhrach ioncaim céimlaghdaitheach thar an tréimhse uile agus nach sáródh sé in 2020 30% den mhéid a deonaíodh in 2013; agus

(b) sula mbainfí leas as an bhféidearthacht sin, go mbainfí leas iomlán as na scéimeanna tacaíochta faoin gCBT do na hearnálacha lena mbaineann.

Glacfaidh an Coimisiún a údarú gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 29(2) nó (3) den Rialachán seo a chur i bhfeidhm."

(2) In Airteagal 230(1), cuirtear isteach na pointí a leanas:

"(ba) Airteagal 111 go dtí an 31 Márta 2015;"

"(ca) Airteagal 125a(1)(e) agus (2) agus, i ndáil le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí, Iarscríbhinn XVIa, go dtí dáta chur i bhfeidhm na bpraghsanna lena mbaineann a bheidh le bunú de bhun na ngníomhartha tarmlichte dá bhforáiltear i bpointe(b) agus i bpointe (i) Airteagal 173(1);" ;

"(da) Airteagal 136, Airteagal 138 agus Airteagal 140 mar aon le hIarscríbhinn XVIII chun críocha na hAirteagail sin a chur i bhfeidhm, go dtí dáta chur i bhfeidhm na rialacha a bheidh le bunú de bhun na ngníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear in Airteagal 180 agus i i bpointe (a) d'Airteagal 183 nó go dtí an 30 Meitheamh 2014, cibé acu is luaithe."

Airteagal 10

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 mar a leanas:

(1) In Airteagal 31 cuirtear an mhír 6 a leanas isteach:

"6. Féadfaidh an Chróit íocaíochtaí faoin mbeart seo a dheonú do thairbhíthe i limistéir a ainmníodh de bhun Airteagal 32(3), fiú amháin nuair nár tugadh chun críche an cleachtadh mionchoigeartaithe dá dtagraítear sa tríú fómhír den mhír sin. Tabharfar chun críche an cleachtadh mionchoigeartaithe tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2014. Tairbhíthe i limistéir nach bhfuil incháilithe a thuilleadh tar éis an cleachtadh mionchoigeartaithe a thabhairt chun críche, ní bhfaighidh siad tuilleadh íocaíochta faoin mbeart seo."

(2) In Airteagal 58, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"6 Na cistí a aistrítear chuig CETFT i gcur i bhfeidhm Airteagal 136a(1) de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 agus Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 agus

na cistí a aistrítear chuig CETFT i gcur i bhfeidhm Airteagal 10b, Airteagal 136 agus Airteagal 136b de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 i ndáil leis na blianta féilire 2013 agus 2014, déanfar iad a áireamh sa mhiondealú bliantúil dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo."

(3) In Airteagal 59(4), cuirtear an méid a leanas in ionad phointe(f):

"(f) 100 % do mhéid EUR 100 milliún, i bpraghsanna 2011, a leithdháiltear ar Éirinn, do mhéid EUR 500 milliún, i bpraghsanna 2011, a leithdháiltear ar an bPortaingéil agus do mhéid EUR 7 milliún, i bpraghsanna 2011, a leithdháiltear ar an gCipir, ar choinníoll go bhfuil na Ballstáit sin ag fáil cúnamh airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 136 agus Airteagal 143 CFAE an 1 Eanáir 2014 nó ina dhiaidh, go dtí 2016 nuair a dhéanfar cur i bhfeidhm na forála sin a athmheasúnú."

CAIBIDIL III

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 11

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014.

Mar sin féin:

— beidh feidhm ag pointe (15), pointe (17) agus pointe (18) d'Airteagal 6 ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo;

— beidh feidhm ag pointe (20) d'Airteagal 6 den Rialachán seo ón 22 Nollaig 2013; agus

— beidh feidhm ag pointe 3 d'Airteagal 8 den Rialachán seo, ó na dátaí cur i bhfeidhm a luaitear ann.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Nollaig 2013.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
V. JUKNA

IARSCRÍBHINN I

Comhghaol idir na hAirteagal i mbearta faoin gclárthréimhse 2007-2013 agus faoin gclárthréimhse 2014-2020

Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005	Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013
Airteagal 20(a)(i): Gairmoiliúintagus faisnéis	Airteagal 14
Airteagal 20(a)(ii): Grúpaí Feirmeoirí Óga a bhunú	Airteagal 19(1)(a)(i)
Airteagal 20(a)(iii): Luathscor	/
Airteagal 20(a)(iv): Úsáid seirbhísí comhairliúcháin	Airteagal 15(1)(a)
Airteagal 20 (a)(v): Seirbhísí bainistithe, faoisimh agus comhairliúcháin a chur ar bun	Airteagal 15(1)(b)
Airteagal 20(b)(i): Nuachóiriú gabháltas talmhaíochta	Airteagal 17(1)(a)
Airteagal 20(b)(ii): Luach eacnamaíoch na bhforaoiseacha a fheabhsú	Airteagal 21(1)(d)
Airteagal 20(b)(iii): Luach a chur le táirgí talmhaíochta agus foraoiseachta	Airteagal 17(1)(b) Airteagal 21(1)(e)
Airteagal 20(b)(iv): Comhar chun teicneolaíochtaí-próisis-táirgí nua a fhorbairt	Airteagal 35
Airteagal 20(b)(v): Bonneagar talmhaíochta agus foraoiseachta	Airteagal 17(1)(c)
Airteagal 20(b)(vi): Gníomhaíochtaí athchóirithe-coisc	Airteagal 18
Airteagal 20(c)(i): Caighdeán a bhaint amach	/
Airteagal 20(c)(ii): Scéimeanna cáilíochta bia	Airteagal 16
Airteagal 20(c)(iii): Faisnéis agus cur chun cinn	Airteagal 16
Airteagal 20(d)(i): Feirmeoireacht leathchothaitheach	Airteagal 19(1)(a)(iii)
Airteagal 20(d)(ii): Grúpaí táirgeoirí	Airteagal 27
Airteagal 36(a)(i): Íocaíochtaí i leith míbhuntáistí nádúrtha sna sléibhte	Airteagal 31
Airteagal 36(a)(ii): Íocaíochtaí i leith míbhuntáistí nádúrtha i limistéir nach limistéir sléibhe iad	Airteagal 31
Airteagal 36(a)(iii) Natura 2000 agus íocaíochtaí a bhaineann le Treoir 2000/60/CE	Airteagal 30
Airteagal 36(a)(iv) Íocaíochtaí agra-chomhshaoil	Airteagal 28 Airteagal 29
Airteagal 36(v) Íocaíochtaí leasa ainmhithe	Airteagal 33
Airteagal 36(b)(i) Foraoisiú ar thalamh talmhaíochta den chéad uair	Airteagal 21(1)(a)
Airteagal 36(b)(ii): Córais agraforaoiseachta a bhunú den chéad uair	Airteagal 21(1)(b)

Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005	Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013
Airteagal 36(b)(iii): Foraoisiú ar thalamh neamhthalmhaíochta den chéad uair	Airteagal 21(1)(a)
Airteagal 36(b)(iv): Íocaíochtaí Natura 2000	Airteagal 30
Airteagal 36(b)(v): Íocaíochtaí foraoise-comhshaoil	Airteagal 34
Airteagal 36(b)(vi): Acmhainneacht foraoiseachta a athbhunú agus gníomhaíochtaí coiscitheacha a thabhairt isteach	Airteagal 21(1)(c)
Airteagal 36(b)(vii): Infheistíochtaí neamhtháirgiúla	Airteagal 21(1)(d)
Beartha faoi Rialachán (CE) Uimh. 718/2007	Beartha faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013
Airteagal 171(2)(a): Infheistíochtaí i ngabháltais talmhaíochta chun athstruchtúru agus chun uasghrádú chuig caighdeán Chomhphobail	Airteagal 17(1)(a)
Airteagal 171(2)(c): Infheistíochtaí i bpróiseáil agus i margú táirgí talmhaíochta agus iascaireachta chun na gníomhaíochtaí sin a athstruchtúru agus chun iad a uasghrádú chuig caighdeán Chomhphobail	Airteagal 17(1)(b)

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear na hlarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an líne a leanas isteach in Iarscríbhinn I tar éis an ceann sin a bhaineann le "Tacaíocht shonrach":

"Íocaíocht athdháilte	Teideal III, Caibidil 5a agus Teideal V, Caibidil 2a	Íocaíocht dhíchúpláilte"
-----------------------	--	--------------------------

- (2) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

- (a) Pointe A, cuirtear an méid a leanas in ionad "Comhshaol":

"1	Treoir 79/409/CEE ón gComhairle an 2 Aibreán 1979 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 103, 25.4.1979, lch. 1)	Airteagal 3(1), Airteagal 3(2)(b), Airteagal 4(1), (2) agus (4) agus Airteagal 5(a), (b) agus(d)
2	—	—
3	Treoir 86/278/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1986 maidir le cosaint an chomhshaoil, agus go háirithe cosaint na hithreach, agus sloda séarachais á úsáid sa talmhaíocht (IO L 181, 4.7.1986, lch. 6)	Airteagal 3
4	Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1)	Airteagal 4 agus Airteagal 5
5	Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7)	Airteagal 6 agus Airteagal 13(1)(a)"

- (b) cuirtear an méid a leanas in ionad pointe 9 de Phointe B - "Sláinte an phobail, sláinte ainmhithe agus sláinte plandaí":

"9	Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch.1)	Airteagal 55, an chéad abairt agus an dara habairt".
----	---	--

- (3) In Iarscríbhinn III, cuirtear an méid a leanas in ionad na hiontrála "Cosaint agus bainistiú uisce":

"Cosaint agus bainistiú uisce:	— Stiallacha maoláin a chur feadh uiscebhealaí (1)
--------------------------------	--

Uisce a chosaint i gcoinne truaillithe agus reatha chun srutha, agus úsáid uisce a bhainistiú	— I gcás ina bhfuil úsáid uisce le haghaidh uisciúcháin faoi réir údarú, na nósanna imeachta údaraithe a chomhlíonadh
---	---

Screamhuisce a chosaint ar thruailliú; toirmeasc ar sceitheadh díreach isteach i screamhuisce agus bearta chun cosc a chur ar thruailliú indíreach screamhuisce de dheasca substaintí contúirteacha a bheith á sceitheadh ar an talamh agus ag síothlú tríd an ithir, ar substaintí iad a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 80/68/CEE sa leagan a bheidh i bhfeidhm ar an lá deireanach a mbeidh an Treoir bailí, a mhéid agus a bhaineann le gníomhaíocht talmhaíochta

(1) Tabhair faoi deara: Caithfidh na stiallacha maoláin, idir mhaoláin atá laistigh de na limistéir leochaileacha a shainítear de bhun Airteagal 3(2) de Threoir 91/676/CEE agus mhaoláin atá lasmuigh díobh, ar a laghad na ceanglais a bhaineann le leasachán a leathadh ar thalamh atá gar d'uiscebhealaí a chomhlíonadh, ceanglais dá dtagraítear i bpointe A.4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 91/676/CEE agus atá le cur i bhfeidhm i gcomhréir le clár ghníomhaíochta na mBallstát a bhunaítear faoi Airteagal 5(4) de Threoir 91/676/CEE."

(4) In Iarscríbhinn VIII, cuirtear an méid a leanas in ionad an cholúin don bhliain 2014:

"Tábla 1

	<i>(míle EUR)</i>
Ballstát	2014
An Bheilg	544 047
An Danmhairg	926 075
An Ghearmáin	5 178 178
An Ghréig	2 047 187
An Spáinn	4 833 647
An Fhrainc	7 586 341
Éire	1 216 547
An Iodáil	3 953 394
Lucsamburg	33 662
An Ísiltír	793 319
An Ostair	693 716
An Phortaingéil	557 667
An Fhionlainn	523 247
An tSualainn	696 487
An Ríocht Aontaithe	3 548 576

Tábla 2 (*)

	<i>(míle EUR)</i>
An Bhulgáir	642 103
Poblacht na Seice	875 305
An Eastóin	110 018
An Chipir	51 344
An Laitvia	168 886
An Liotuáin	393 226
An Ungáir	1 272 786
Málta	5 240
An Pholainn	2 970 020
An Rómáin	1 428 531
An tSlóivéin	138 980
An tSlóvaic	377 419
An Chróit	113 908

(*) Uasteorainneacha a ríomhtar ag cur sceideal na n-incrimintí dá bhforáiltear in Airteagal 121 san áireamh."

(5) Cuirtear na hlarscríbhinní seo a leanas isteach i ndiaidh Iarscríbhinn VIII:

"Iarscríbhinn VIIIa

Méideanna atá mar thoradh ar Airteagal 146b a chur i bhfeidhm in 2014

An Ghearmáin: EUR 42 600 000

An tSualainn: EUR 9 000 000

Iarscríbhinn VIIIb

Meánmhéid an ghabháltais talmhaíochta a bheidh le cur i bhfeidhm faoi Airteagal 72a(4) agus faoi Airteagal 125a(3)

Ballstát	Meánmhéid an ghabháltais talmhaíochta (heicteáir)
An Bheilg	29
An Bhulgáir	6
Poblacht na Seice	89
An Danmhairg	60
An Ghearmáin	46
An Eastóin	39
Éire	32
An Ghréig	5
An Spáinn	24
An Fhrainc	52
An Chróit	5,9
An Iodáil	8
An Chipir	4
An Laitvia	16
An Liotuáin	12
Lucsamburg	57
An Ungáir	7
Málta	1
An Ísiltír	25
An Ostair	19
An Pholainn	6
An Phortaingéil	13
An Rómáin	3
An tSlóivéin	6
An tSlóvaic	28
An Fhionlainn	34
An tSualainn	43
An Ríocht Aontaithe	54

Iarscríbhinn VIIIc

Na huasteorainneacha dá dtagraítear in Airteagal 72a(3) agus in Airteagal 125a(3)(míle EUR)

(míle EUR)

An Bheilg	505 266
An Bhulgáir	796 292
Poblacht na Seice	872 809
An Danmhairg	880 384
An Ghearmáin	5 018 395
An Eastóin	169 366
Éire	1 211 066
An Ghréig	1 931 177
An Spáinn	4 893 433
An Fhrainc	7 437 200
An Chróit	265 785
An Iodáil	3 704 337
An Chipir	48 643
An Laitvia	302 754
An Liotuáin	517 028
Lucsamburg	33 432
An Ungáir	1 269 158
Málta	4 690
An Ísiltír	732 370
An Ostair	691 738
An Pholainn	3 061 518
An Phortaingéil	599 355
An Rómáin	1 903 195
An tSlóivéin	134 278
An tSlóvaic	394 385
An Fhionlainn	524 631
An tSualainn	699 768
An Ríocht Aontaithe	3 591 683

Iarscríbhinn VIIIa

Méideanna don Bhulgáir agus don Rómáin dá dtagraítear in Airteagal 125b(1)

An Bhulgáir	EUR 789 365 000
An Rómáin	EUR 1 753 000 000"

(6) Cuirtear an méid a leanas in ionad Iarscríbhinn XVIIa:

"Iarscríbhinn XVIIa

Cabhair idirthréimhseach náisiúnta sa Chipir

Earnáil	(EUR)	
	2013	2014
Gránaigh (ní áirítear cruithneacht chrua (durum))	141 439	113 151
Cruithneacht chrua (durum)	905 191	724 153
Bainne agus déiríocht	3 419 585	2 735 668
Mairteoil	4 608 945	3 687 156
Caoirigh agus gabhair	10 572 527	8 458 022
Earnáil na muc	170 788	136 630
Éineoil agus uibheacha	71 399	57 119
Fíon	269 250	215 400
Ola olóige	3 949 554	3 159 643
Fíonchaora boird	66 181	52 945
Fíonchaora triomaithe	129 404	103 523
Trátaí próiseáilte	7 341	5 873
Bananaí	4 285 696	3 428 556
Tobac	1 027 775	822 220
Torthaí duillsilteacha lena n-áirítear torthaí cloch	173 390	138 712
Iomlán	29 798 462	23 838 770"

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE (AE, EURATOM) Uimh. 1311/2013

an 2 Nollaig 2013

lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 312 de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Ní mór do na huasteorainneacha bliantúla ar leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí de réir catagóire caiteachais agus na huasteorainneacha bliantúla ar leithreasáí faoi chomhair íocaíochta a bhunaítear leis an Rialachán seo na huasteorainneacha a leagtar síos le haghaidh na n-oibleagáidí agus na n-acmhainní dílse i gCinneadh 2007/436/CE, Euratom ón gComhairle ⁽¹⁾ a urramú.
- (2) Agus an gá atá le leibhéal leordhóthanach intuarthachta chun infheistíochtaí meántearma a ullmhú agus a chur chun feidhme á chur san áireamh, ba cheart a leagan síos gur seacht mbliana dar tús an 1 Eanáir 2014 ré an chreata airgeadais ilbhliantúil (CAI). Déanfar athscrúdú in 2016 ar a dhéanaí, tar éis na dtoghchán chuig Parlaimint na hEorpa. Leis sin, cuirfear ar chumas na n-institiúidí, Parlaimint na hEorpa a thoghfear in 2014 san áireamh, na tosaíochtaí a athmhéasúnú. Ba cheart go gcuirfí torthaí an athscrúdaithe seo san áireamh in aon athbhreithniú a dhéanfar ar an Rialachán seo do bhlianta CAI a bheidh fós fágtha. Is "athscrúdú/athbhreithniú" a ghairtear den socrú seo anseo feasta.
- (3) I gcomhthéacs an athscrúdaithe/athbhreithnithe meántearma ar CAI, comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún scrúdú comhpháirteach a dhéanamh ar an ré is oiriúnaí do CAI ina dhiaidh sin, sula ndéanfaidh an Coimisiún a thograí a thíolacadh d'fhonn an chothromaíocht cheart

a fháil idir ré na dtéarmaí oifige faoi seach do chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa agus do chomhaltaí an Choimisiúin Eorpaigh - agus an gá atá le cobhsaíocht do thimthriallacha cláraithe agus d'intuarthacht infheistíochta.

- (4) Ba cheart solúbthacht shonrach a chur chun feidhme agus solúbthacht a chur chun feidhme a mhéid is mó is féidir chun go bhféadfaidh an tAontas a oibleagáidí a chomhall i g comhlíonadh Airteagal 323 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).
- (5) Tá gá leis na hionstraimí speisialta seo a leanas chun go bhféadfaidh an tAontas freagairt d'imthosca sonrathacha choinne, nó chun go bhféadfaidh caiteachas a shainaithnítear go soiléir a mhaoiniú, ar caiteachas é nach féidir a mhaoiniú laistigh de na huasteorainneacha atá ar fáil do cheann amháin nó níos mó de na ceannteidil a leagtar síos i CAI, agus an nós imeachta buiséadach á éascú ar an gcaoi sin: an Cúlchiste um Chabhair Éigeandála, Ciste Dlíthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh, an Ionstraim Sholúbthachta, an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú, an Corrlach Teagmhasach, an tsolúbthacht shonrach chun dul i ngleic leis an difhostaíocht i measc an ógra agus chun an taighde a neartú agus an corrlach foriomlán le haghaidh oibleagáidí i ndáil leis an bhfás agus leis an bhfostaíocht, go háirithe i ndáil leis an difhostaíocht i measc an ógra. Ba cheart foráil shonrach a dhéanamh mar sin don fhéidearthacht leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí a chur isteach sa bhuiséad ar leithreasáí iad atá de bhreis ar na huasteorainneacha a leagtar amach i CAI i gcás inar gá leas a bhaint as ionstraimí speisialta.
- (6) Más gá go slógfaí na ráthaíochtaí a tugadh faoi bhuiséad ghinearálta an Aontais do na hiasachtaí a tugadh faoin tSaoráid Comhardaithe Íocaíochta nó faoin Sársa Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle ⁽²⁾ agus i Rialachán (AE) Uimh. 407/2010 ón gComhairle ⁽³⁾, faoi seach, ba cheart an méid atá riachtanach a shlógadh de bhreis ar uasteorainneacha leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí agus leithreasáí faoi chomhair íocaíochta CAI, agus uasteorainn na n-acmhainní dílse á hurramú ag an am céanna.
- (7) Ba cheart CAI a leagan síos i bpraghsanna 2011. Ba cheart freisin na rialacha a leagan síos chun coigeartú teicniúil a dhéanamh ar CAI chun go ndéanfar na huasteorainneacha agus na corrlaigh atá ar fáil a athríomh.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle an 18 Feabhra 2002 lena mbunaítear saoráid lena gcuirtear cúnaimh airgeadais meántearma ar fáil do chomhardú íocaíochta na mBallstát (IO L 53, 23.2.2002, lch 1).

⁽³⁾ Rialachán ón gComhairle (AE) Uimh. 407/2010 an 11 Bealtaine 2010 lena mbunaítear an Sársa Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach (IO L 118, 12.5.2010, lch 1).

⁽¹⁾ Cinneadh 2007/436/CE, Euratom an 7 Meitheamh 2007 maidir le córas acmhainní dílse na gComhphobail Eorpach (IO L 163, 23.6.2007, lch 17).

- (8) Níor cheart go n-áireofaí ar CAI na míreanna buiséid a mhaoinítear trí ioncam sannta de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) Uimh 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ (an "Rialachán Airgeadais").
- (9) D'fhéadfadh sé gur ghá an Rialachán seo a athbhreithniú má thagann imthosca gan choinne chun cinn nach bhféadfaí déileáil leo laistigh de na huasteorainneacha a bhunaítear mar chuid de CAI. Ní mór, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh d'athbhreithniú ar CAI i gcásanna den sórt sin.
- (10) Ba cheart rialacha a leagan síos do chásanna eile lena bhféadfaí a éileamh go ndéanfaí CAI a choigeartú nó a athbhreithniú. D'fhéadfadh sé go mbeadh coigeartuithe nó athbhreithnithe den sórt sin bainteach le cur chun feidhme an bhuiséid, le bearta lena nasctar éifeachtacht cistí le rialachas eacnamaíoch fóna, le hathbhreithniú ar na Conarthaí, le méadú, le hathaontú na Cipire nó le glacadh moillithe rialacha nua lena rialaítear réimsí áirithe beartais.
- (11) Bunaítear na himchlúdaigh náisiúnta don bheartas comhtháthaithe ar bhonn na sonraí staidrimh agus na réamhaisnéisí a úsáidtear do nuashonrú a rinneadh i mí Iúil 2012 ar an togra ón gCoimisiún le haghaidh an Rialacháin seo. Agus na neamhchinnteachtaí maidir le réamhaisnéisiú agus an tionchar ar na Ballstáit chaidheáilte á gcur san áireamh, chomh maith le cáis an-deacair na mBallstát atá thíos leis an ngéarchéim, déanfaidh an Coimisiún, in 2016, athscrúdú ar leithdháiltí iomlána na mBallstát uile faoin sprioc "Infheistíocht le haghaidh fáis agus post" atá sa bheartas comhtháthaithe do na blianta 2017 go 2020.
- (12) Ní mór foráil a dhéanamh do rialacha ginearálta maidir le comhar idirinstiúideach sa nós imeachta buiséadach.
- (13) Ní mór rialacha sonracha a bheith ann freisin chun déileáil le tionscadail bhonneagair ar mhórscaála a mbíonn saolré i bhfad níos faide acu ná an tréimhse a leagtar síos do CAI. Ní mór na méideanna uasta a bhunú do na ranníocaíochtaí ó bhuiséad ghinearálta an Aontais do na tionscadail sin, agus a áirithiú ar an gcaoi sin nach mbeidh aon tionchar acu ar thionscadail eile a mhaoinítear leis an mbuiséad sin.
- (14) Ba cheart go dtíolacfaidh an Coimisiún togra le haghaidh creata airgeadais ilbhliantúil nua roimh an 1 Eanáir 2018, chun go gcuirfead ar chumas na n-institiúidí é a ghlacadh in am is i dtráth sula gcuirfead tús leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil ina dhiaidh sin. Ba cheart go leanfaidh an Rialachán seo d'fheidhm a bheith aige i gcás nach nglacfar creat nua airgeadais roimh dheireadh théarma CAI a leagtar síos sa Rialachán seo.

- (15) Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún agus ghlac siad tuairimí ⁽²⁾,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL 1

Forálacha ginearálta

Airteagal 1

Creat Airgeadais Ilbhliantúil

Leagtar amach an creat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse 2014 go 2020 ("CAI") san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Athscrúdú/athbhreithniú meántearma ar CAI

Faoi dheireadh 2016 ar a dhéanaí, tíolacfaidh an Coimisiún athscrúdú ar fheidhmiú CAI agus an staid eacnamaíoch ag an tráth sin á chur san áireamh ina hiomláine chomh maith leis na réamh-mheastacháin maicreacnamaíocha is déanaí. Maidir leis an athscrúdú éigeantach seo, beidh togra reachtach le haghaidh athbhreithnithe ar an Rialachán seo ag gabháil leis, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach i CFAE, de réir mar is iomchuí. Gan dochar d'Airteagal 7 den Rialachán seo, ní laghdófar na himchlúdaigh náisiúnta réamh-leithdháilte trí athbhreithniú den sórt sin.

Airteagal 3

Uasteorainneacha CAI a chomhlíonadh

1. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, le linn gach nós imeachta bhuiséadaigh agus tráth a mbeidh an buiséad don bhliain lena mbaineann á chur chun feidhme acu, na huasteorainneacha bliantúla caiteachais a leagtar amach i CAI a chomhlíonadh.

Bunaítear an fho-uasteorainn do Cheannteideal 2 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn í gan dochar don tsolúbthacht idir dhá cholún an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT). Déanfar an uasteorainn choigeartaithe a chuirfead i bhfeidhm ar cholún 1 CBT tar éis na n-aistriúidí idir an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus íocaíochtaí díreacha a leagan síos sa ghníomh ábhartha dlíthiúil agus déanfar CAI a choigeartú dá réir sin faoin gcoigeartú teicniúil dá bhforáiltear in Airteagal 6(1) den Rialachán seo.

2. Áiritheofar leis na hionstraimí speisialta dá bhforáiltear in Airteagal 9 go hAirteagal 15 solúbthacht CAI agus déanfar iad a leagan síos chun go bhféadfar an nós imeachta buiséid a reáchtáil ar bhealach rianúil. Féadfar na leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí a chur isteach sa bhuiséad de bhreis ar uasteorainneacha na gceannteideal ábhartha a leagtar síos i CAI i gcás inar gá leas a bhaint as na hacmhainní ón gCúlchiste um Chabhair Éigeandála, ó Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh, ón Ionstraim Sholúbthachta, ón gCiste Eorpach um

⁽¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1)

⁽²⁾ Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le 'Togra le haghaidh Rialacháin ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse 2014-2020' (IO C 229, 31.7.2012, lch. 32); Tuairim ó Choiste na Réigiún maidir le 'Creat Nua Airgeadais Ilbhliantúil i ndiaidh 2013' (IO C 391, 18.12.2012, lch. 31).

Choigeartú don Domhandú, ón gCorrlach Teagmhasach, ón tsolúbthacht shonrach chun dul i ngleic leis an difhostaíocht i measc an ógra agus chun taighde a neartú agus ón gcorrlach foriomlán le haghaidh oibleagáidí i ndáil leis an bhfás agus leis an bhfostaíocht, go háirithe i ndáil leis an difhostaíocht i measc an ógra, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh 2012/2002 ón gComhairle ⁽¹⁾, Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, agus an Comhaontú Idirinstiúideach idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ⁽³⁾

3. I gcás nach mór go slógfaí ráthaíocht le haghaidh iasachta a chumhdaítear le buiséad ginearálta an Aontais i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 nó le Rialachán (AE) Uimh. 407/2010, beidh sí de bhreis ar na huasteorainneacha a leagtar síos i CAI.

Airteagal 4

Uasteorainn na n-acmhainní dílse a urramú

1. I ndáil le gach ceann de na blianta a chumhdaítear le CAI, ní eascróidh ráta glaoite isteach d'acmhainní dílse lena rachfar thar uasteorainn na n-acmhainní dílse a leagadh síos i gcomhréir le Cinneadh 2007/436/CE, Euratom, as na leithreasáí iomlána do na híocaíochtaí a éilítear, tar éis an choigeartaithe bhliantúil agus tar éis aon choigeartuithe agus athbhreithnithe eile, chomh maith le cur i bhfeidhm mhír 2 agus mhír 3 d'Airteagal 3, a chur san áireamh.

2. I gcás inar gá, déanfar na huasteorainneacha a leagfar síos i CAI a íslíú trí athbhreithniú lena áirithiú go gcomhlíonfar uasteorainn na n-acmhainní dílse a leagadh síos i gcomhréir le Cinneadh 2007/436/CE, Euratom.

Airteagal 5

Corrlach foriomlán d'íocaíochtaí

1. Gach bliain, ag tosú in 2015, mar chuid den choigeartú teicniúil dá dtagraítear in Airteagal 6, déanfaidh an Coimisiún an uasteorainn íocaíochta do na blianta 2015-2020 ar aghaidh a choigeartú suas le méid a bheidh coibhéiseach leis an difríocht idir na híocaíochtaí a chuirtear chun feidhme agus uasteorainn íocaíochta CAI bhliain n-1.

2. Ní rachaidh na choigeartuithe bliantúla thar na méideanna uasta seo a leanas (i bpragsanna 2011) do na blianta 2018-2020 i gcomparáid leis an mbun-uasteorainn íocaíochta do na blianta ábhartha:

2018 - EUR 7 billiún

2019 - EUR 9 billiún

2020 - EUR 10 billiún

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (IO L 311, 14.11.2002, lch 3)

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh 1927/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (IO L 406, 30.12.2006, lch. 1).

⁽³⁾ Comhaontú Idirinstiúideach idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún an 2 Nollaig 2013 maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar i dtaca le hábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistiú fóna airgeadais (IO C 373, 20.12.2013, lch. 1).

3. Déanfar aon choigeartú suas a fhritháireamh trí laghdú comhfhreagrach a dhéanfar ar an uasteorainn íocaíochta do bhliain n-1.

Airteagal 6

Coigeartuithe teicniúla

1. Déanfaidh an Coimisiún na choigeartaithe teicniúla seo a leanas ar CAI gach bliain, ag gníomhú dó sula gcuirfear an nós imeachta buiséadach do bhliain n+1 i bhfeidhm:

(a) athluacháil, ag praghsanna bhliain n+1, ar na huasteorainneacha agus ar na figiúirí foriomlána do leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí agus do leithreasáí faoi chomhair íocaíochtaí;

(b) ríomhfaidh sé an corrlach a bheidh ar fáil faoi uasteorainn na n-acmhainní dílse a leagadh síos i gcomhréir le Cinneadh 2007/436/CE, Euratom;

(c) ríomhfaidh sé dearbhmhéid an Chorrailigh Theagmhasaigh dá bhforáiltear in Airteagal 13;

(d) ríomhfaidh sé an corrlach foriomlán d'íocaíochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 5;

(e) ríomhfaidh sé an corrlach foriomlán d'oibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 14;

2. Déanfaidh an Coimisiún na choigeartuithe teicniúla dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn díbhóilsceora shocraithe 2 % in aghaidh na bliana.

3. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na gchoigeartuithe teicniúla dá dtagraítear i mír 1, chomh maith leis na bun- réamhaisnéisí eacnamaíocha, in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

4. Gan dochar d'Airteagal 7 agus d'Airteagal 8, ní dhéanfar aon choigeartuithe teicniúla eile i ndáil leis an mbliain lena mbaineann, le linn na bliana nó mar cheartúcháin ex-post sna blianta ina dhiaidh sin.

Airteagal 7

Coigeartú a dhéanamh ar na himchlúdaigh beartais chomhtháthaithe

1. D'fhonn cás an-deacair na mBallstát atá thíos leis an ngéarchéim a chur san áireamh, déanfaidh an Coimisiún, in 2016, i dteannta leis an gchoigeartú teicniúil don bhliain 2017, athscrúdú ar leithdháiltí iomlána na mBallstát uile faoin sprioc "Infheistiúocht le haghaidh fáis agus post" atá sa bheartas comhtháthaithe do na blianta 2017 go 2020, agus an modh leithdháilte a shainmhíneáir sa ghníomh bunúsach ábhartha ar bhonn an staidrimh ba dhéanaí a bhí ar fáil ag an am sin agus ar bhonn na comparáide, do na Ballstáit chaidhpeáilte, idir OTI náisiúnta carnaithe breathnaithe do na blianta 2014 agus 2015 agus OTI náisiúnta carnaithe a measadh sa bhliain 2012. Déanfaidh sé na leithdháiltí iomlána sin a choigeartú aon uair a bheidh éagsúlacht chernach níos mó ná +/-5 % ann.

2. Déanfar na coigeartuithe a éilítear a leathadh i gcodanna cothroma thar na blianta 2017 go 2020 agus déanfar uasteorainneacha comhfhreagracha CAI a mhodhnú dá réir. Déanfar na huasteorainneacha le haghaidh íocaíochta a mhodhnú dá réir freisin le forchéimniú ordúil a áirithiú maidir le leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí.

3. Sa choigeartú teicniúil a dhéanfaidh an Coimisiún do 2017, tar éis an athscrúdaithe meántearma ar incháilitheacht na mBallstát le haghaidh an Chiste Comhtháthaithe dá bhforáiltear in Airteagal 90(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾, i gcás ina mbeidh Ballstát incháilithe go húrnu le haghaidh an Chiste Comhtháthaithe nó ina gcaillfidh sé an incháilitheacht a bhí aige cheana, cuirfidh an Coimisiún na méideanna a bheidh ann mar thoradh air sin leis na cistí a leithdháilfear ar an mBallstát do na blianta 2017 go 2020 nó bainfidh sé na méideanna sin ó na cistí sin.

4. Déanfar na coigeartuithe a éilítear, atá mar thoradh ar mhír 3, a leathadh i gcodanna cothroma thar na blianta 2017 go 2020 agus déanfar uasteorainneacha comhfhreagracha CAI a mhodhnú dá réir. Déanfar na huasteorainneacha le haghaidh íocaíochta a mhodhnú freisin chun forchéimniú ordúil a áirithiú maidir le leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí.

5. Ní rachaidh glanéifeacht iomlán na gcoigeartuithe, dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 3, thar EUR 4 billiún, bíodh an éifeacht sin dearfach nó diúltach.

Airteagal 8

Coigeartuithe a bhaineann le bearta lena nasctar éifeachtacht cistí le rialachas eacnamaíoch fóna

I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún deireadh le fionraí na n-oibleagáidí buiséadacha a bhaineann le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe nó leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh i gcomhthéacs bearta lena nasctar éifeachtacht cistí le rialachas eacnamaíoch fóna, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an ngníomh bunúsach ábhartha, na hoibleagáidí a cuireadh ar fionraí a aistriú go dtí na blianta ina dhiaidh sin. Maidir le hoibleagáidí a cuireadh ar fionraí agus a bhaineann le bliain n, ní fhéadfar buiséad a athdhéanamh dóibh i ndiaidh bhliain n+3.

CAIBIDIL 2

Ionstraimí speisialta

Airteagal 9

An Cúlchiste um Chabhair Éigeandála

1. Beartaítear leis an gCúlchiste um Chabhair Éigeandála go mbeifear in ann freagairt mhear a thabhairt ar riachtanais shonracha chabhrach na dtríú tíortha tar éis imeachtaí nach

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna áirithe maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa, maidir leis an gCiste Comhtháthaithe, maidir leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh atá cumhdaithe faoin gComhchreat Straitéiseach agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (Féach leathanach 320 den Iris Oifigiúil seo).

bhféadfaí a réamh-mheas nuair a bunaíodh an buiséad, le haghaidh oibríochtaí daonnúla ar an gcéad dul síos, ach le haghaidh bhainistiú géarchéime sibhialta agus chosaint shibhialta freisin, agus le haghaidh cásanna a mbeidh brú faoi leith ag baint leo a eascróidh as sreafaí imirce ag teorainneacha seachtracha an Aontais i gcás ina n-éileofar sin leis na himthosca.

2. Socraítear méid bliantúil an Chúlchiste ag EUR 280 milliún (i bpragsanna 2011) agus féadfar é a úsáid go dtí bliain n+1 i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais. Déanfar an Cúlchiste a chur isteach i mbuiséad ginearálta an Aontais mar fhoráil. Tarraingeofar ar an gcuid den mhéid bliantúil a eascróidh as an mbliain roimhe sin ar dtús. Rachaidh an chuid sin den mhéid bliantúil ó bhliain n nach mbainfear úsáid as i mbliain n+1 in éag.

Airteagal 10

Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh

1. Beartaítear le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh cúnaimh airgeadais a thabhairt i gcás ina dtarlóidh tubaistí ollmhóra ar chríoch Bhallstáit nó tíre iarthóra, mar a shainmhínítear sa ghníomh ábhartha bunúsach. Beidh uasteorainn EUR 500 milliún (i bpragsanna 2011) ar an méid bliantúil a bheidh ar fáil le haghaidh an Chiste sin. An 1 Deireadh Fómhair gach bliain, beidh ar a laghad an ceathrú cuid den uasmhéid bliantúil fós ar fáil d'fhonn na riachtanais a thiocfaidh chun cinn i míonna deiridh na bliana sin a chumhdach. Féadfar an chuid den mhéid bliantúil nach gcuirfear sa bhuiséad a úsáid suas go bliain n+1. Tarraingeofar ar an gcuid den mhéid bliantúil a eascróidh as an mbliain roimhe sin ar dtús. Rachaidh an chuid sin den mhéid bliantúil ó bhliain n nach mbainfear úsáid as i mbliain n+1 in éag.

2. I gcásanna eisceachtúla agus mura mbeidh na hacmhainní airgeadais a bheidh fós ar fáil faoi Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh sa bhliain a tharlóidh an tubaiste, mar a shainmhínítear sa ghníomh ábhartha bunúsach é, leordhóthanach chun an méid cúnaimh a measfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go mbeidh gá leis a chumhdach, féadfaidh an Coimisiún a mholadh go ndéanfar an difríocht a mhaoiniú trí na méideanna bliantúla a bheidh ar fáil don bhliain ina dhiaidh sin.

Airteagal 11

An Ionstraim Sholúbthachta

1. Beartaítear leis an Ionstraim Sholúbthachta, i gcás bliana airgeadais faoi leith, go bhféadfar caiteachas a mhaoiniú, ar caiteachas é a shainaitheofar go soiléir agus nach bhféadfaí a mhaoiniú faoi na huasteorainneacha a bheidh ar fáil do cheann amháin nó níos mó de na ceannteidil eile. Beidh uasteorainn EUR 471 milliún (i bpragsanna 2011) ar an méid bliantúil a bheidh ar fáil le haghaidh na hIonstraime Solúbthachta.

2. Féadfar an chuid nach mbainfear úsáid as den mhéid bliantúil den Ionstraim Sholúbthachta a úsáid suas go bliain n+3. Déanfar an chuid den mhéid bliantúil a eascraíonn ó na blianta roimhe sin a úsáid ar dtús, de réir aoise. Rachaidh an chuid sin den mhéid bliantúil ó bhliain n nach mbainfear úsáid as i mbliain n+3 in éag.

*Airteagal 12***An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú**

1. Ní rachaidh an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú, a sainmhínítear na cuspóirí agus an raon feidhme atá leis i Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, thar uasmhéid bhliantúil EUR 150 milliún (i bpraghsanna 2011).

2. Déanfar na leithreasaí don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a chur isteach i mbuiséad ginearálta an Aontais mar fhoráil.

*Airteagal 13***An Corrlach Teagmhasach**

1. Déanfar Corrlach Teagmhasach suas le 0.03 % d'Ollioncam Náisiúnta an Aontais a chruthú lasmuigh d'uasteorainneacha CAI, mar ionstraim a bheadh le húsáid mar an rogha deireanach chun freagairt d'imthosca gan choinne. Ní fhéadfar é a shlógadh ach i dtaca le buiséad leasaitheach nó le buiséad bliantúil.

2. An méid a rachfar ar iontaoibh an chorrailigh theagmhasaigh, ní rachaidh sé, in aon bhliain ar leith, thar an uasmhéid dá bhforáiltear sa choigeartú teicniúil bliantúil a dhéanfar ar CAI agus beidh sé i gcomhréir le huasteorainn na n-acmhainní dílse.

3. Na méideanna a chuirfear ar fáil tríd an Corrlach Teagmhasach a shlógadh, déanfar iad a fhritháireamh go hiomlán i gcoinne na gcorrlach i gceann amháin nó níos mó de na ceann-teidil CAI don bhliain reatha airgeadais nó do na blianta airgeadais amach anseo.

4. Na méideanna a dhéanfar a fhritháireamh amhlaidh, ní shlófar iad a thuilleadh i gcomhthéacs CAI. I gcás ina rachfar ar iontaoibh an Chorrailigh Theagmhasaigh, ní bheidh mar thoradh ar an dul ar iontaoibh sin go rachfar thar uasteorainneacha iomlána na leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí agus na leithreasaí le haghaidh íocaíochtaí a leagtar síos i CAI don bhliain reatha airgeadais agus do na blianta airgeadais amach anseo.

*Airteagal 14***An corrlach foriomlán le haghaidh oibleagáidí i ndáil leis an bhfás agus leis an bhfostaíocht, go háirithe i ndáil leis an difhostaíocht i measc an ógra**

1. Beidh na corrlaigh a bheidh fós ar fáil faoi uasteorainneacha CAI do leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí do na blianta 2014 go 2017 mar Chorrailigh Foriomlán CAI le haghaidh oibleagáidí, a chuirfear ar fáil de bhreis ar na huasteorainneacha a bhunaítear i CAI do na blianta 2016 go 2020 le haghaidh cuspóirí beartais a bhaineann leis an bhfás agus leis an bhfostaíocht, go háirithe an fhostaíocht i measc an ógra.

2. Gach bliain, mar chuid den choigeartú teicniúil dá bhforáiltear in Airteagal 6, ríomhfaidh an Coimisiún an méid a bheidh ar fáil. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh de bhun Airteagal 314 CFAE, Corrlach Foriomlán CAI nó cuid de a shlógadh.

*Airteagal 15***Solúbthacht shonrach chun dul i ngleic leis an difhostaíocht i measc an ógra agus chun taighde a neartú**

Féadfar suas le EUR 2 543 milliún (i bpraghsanna 2011) a thúsáil in 2014 agus in 2015, mar chuid den nós imeachta bliantúil buiséadach, do chuspóirí sonracha beartais a bhaineann leis an difhostaíocht i measc an ógra, leis an taighde, le ERASMUS do phriontíseachtaí go háirithe, agus le Fiontair Bheagmhéide agus Mheánmhéide. Déanfar an méid sin a fhritháireamh go hiomlán in aghaidh leithreasaí laistigh de cheannteidil agus/nó idir ceannteidil chun nach ndéanfar athrú ar na huasteorainneacha iomlána bliantúla don tréimhse 2014 go 2020 ná ar an leithdháileadh iomlán in aghaidh an cheannteidil nó in aghaidh an fho-cheannteidil le linn na tréimhse.

*Airteagal 16***Ranniocaíocht le maoiniú tionscadal ar mhórsála**

1. Beidh uasmhéid EUR 6 300 milliún (i bpraghsanna 2011) ar fáil do chlár Eorpacha loingseoireachta satailíte (EGNOS agus Galileo) ó bhuiséad ginearálta an Aontais don tréimhse 2014 go 2020.

2. Beidh uasmhéid EUR 2,707 milliún (i bpraghsanna 2011) ar fáil don tionscadal d'Imoibreoir Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiúnta (ITTI) ó bhuiséad ginearálta an Aontais don tréimhse 2014 go 2020.

3. Beidh uasmhéid EUR 3,786 milliún (i bpraghsanna 2011) ar fáil do Copernicus (an Clár Eorpach um Fhaire na Cruinne) ó bhuiséad ginearálta an Aontais don tréimhse 2014 go 2020.

*CAIBIDIL 3***Athbhreithniú***Airteagal 17***Athbhreithniú ar CAI**

1. Gan dochar d'Airteagal 4(2), d'Airteagal 18 go hAirteagal 22 agus d'Airteagal 25, má thagann imthosca gan choinne chun cinn, féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar CAI i gcomhlíonadh uasteorainn na n-acmhainní dílse a leagadh síos i gcomhréir le Cinneadh 2007/436/CE, Euratom.

2. Mar riail ghinearálta, déanfar aon togra le haghaidh athbhreithnithe ar CAI i gcomhréir le mír 1 a thíolacadh agus a ghlacadh sula gcuirfear tús leis an nós imeachta buiséadach don bhliain nó don chéad cheann de na blianta lena mbaineann.

3. In aon togra le haghaidh athbhreithnithe ar CAI i gcomhréir le mír 1, scrúdófar an raon feidhme atá ann chun caiteachas a ath-leithdháileadh idir na clár a chumhdaítear leis an gceann-teideal lena mbaineann an t-athbhreithniú, agus tagairt faoi leith á déanamh d'aon tearcúsáid a mheastar a bhainfear as leithreasaí. Ba cheart go mbeadh sé mar chuspóir go mbeadh méid suntasach, i ndearbhtéarmaí agus mar chéatadán den chaiteachas nua a bheartófar, laistigh den uasteorainn atá ann cheana don cheann-teideal.

4. Cuirfear san áireamh in aon athbhreithniú a dhéanfar ar CAI i gcomhréir le mír 1, an raon feidhme atá ann chun aon ardú a dhéanfar ar an uasteorainn do cheann-teideal amháin a fhritháireamh trí ísliú a dhéanamh ar an uasteorainn do cheann-teideal eile.

5. Coimeádfar gaol iomchuí idir oibleagáidí agus íocaíochtaí in aon athbhreithniú a dhéanfar ar CAI i gcomhréir le mír 1.

Airteagal 18

Athbhreithniú a bhaineann le cur chun feidhme

Nuair a bheidh fógra maidir le torthaí na gcoigeartuithe teicniúla ar CAI á thabhairt ag an gCoimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, tólaífaidh sé aon tograí chun athbhreithniú a dhéanamh ar na leithreasáí iomlána faoi chomhair íocaíochtaí a mheasfaidh sé a bheith riachtanach, i bhfianaise an chur chun feidhme, lena áirithiú go ndéanfar bainistiú fóna ar na huasteorainneacha íocaíochta bliantúla agus, go háirithe, go ndéanfar forchéimniú ar bhealach ordúil i ndáil leis na leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle cinneadh maidir leis na tograí sin roimh 1 Bealtaine bhliain n.

Airteagal 19

Athbhreithniú mar thoradh ar rialacha nua nó ar chlár nua le haghaidh na gCistí Struchtúracha, an Chiste Comhtháthaithe, an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, an Chiste Eorpaigh Muirí agus Iascaigh, an Chiste Tearmainn agus Imirce agus an Chiste Slándála Inmheánaí

1. I gcás ina nglacfar rialacha nua nó clár nua faoi bhainistíocht roinnte tar éis an 1 Eanáir 2014 i ndáil leis na Cistí Struchtúracha, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh, leis an gCiste Tearmainn agus Imirce agus leis an gCiste Slándála Inmheánaí, déanfar CAI a athbhreithniú chun go ndéanfar na leithdháilítí nár úsáideadh in 2014 a aistriú chuig na blianta ina dhiaidh sin, de bhreis ar na huasteorainneacha comhfhreagracha caiteachais.

2. Glacfar an t-athbhreithniú a bhaineann leis an leithdháileadh don bhliain 2014 nár úsáideadh a aistriú roimh an 1 Bealtaine 2015.

Airteagal 20

Athbhreithniú ar CAI i gcás ina ndéanfar athbhreithniú ar na Conarthaí

Má dhéantar athbhreithniú ar na Conarthaí idir 2014 agus 2020, ar athbhreithniú é lena ngabhfaidh impleachtaí buiséadacha, déanfar CAI a athbhreithniú dá réir.

Airteagal 21

Athbhreithniú ar CAI i gcás ina méadófar an tAontas

Má tharlaíonn aontachas amháin nó níos mó leis an Aontas idir 2014 agus 2020, déanfar CAI a athbhreithniú chun na ceanglaí chaitheachais a bheidh mar thoradh air sin a chur san áireamh.

Airteagal 22

Athbhreithniú ar CAI i gcás athaontú na Cipire

I gcás ina ndéanfar an Chipir a athaontú idir 2014 agus 2020, déanfar CAI a athbhreithniú chun go gcuirfear san áireamh an réiteach cuimsitheach ar fhadhb na Cipire agus na riachtanais bhreise airgeadais a bheidh mar thoradh ar an athaontú.

Airteagal 23

Comhar idirinstiúideach sa nós imeacht buiséadach

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún (dá ngairtear "na hinstiúidí" anseo feasta) bearta chun an nós imeachta buiséadach bliantúil a éascú.

Comhoibreoidh na hinstiúidí de mheon macánta le linn an nós imeachta d'fhonn a seasaimh a thabhairt le chéile. Comhoibreoidh na hinstiúidí, ag gach céim den nós imeachta, trí na teagmhálacha idirinstiúideacha iomchuí chun go ndéanfar faireachán ar dhul chun cinn na hoibre agus go ndéanfar anailís ar mhéid an chóineasaithe.

Áiritheoidh na hinstiúidí go ndéanfar a bhféilirí oibre faoi seach a chomhordú a mhéid is féidir, chun go bhféadfar imeachtaí a sheoladh ar bhealach comhleanúnach agus cóineasaithe, agus go mbeidh glacadh críochnaitheach bhuiséad ginearálta an Aontais mar thoradh air.

Féadfar cruinnithe tríthaobhacha a thionól ag gach céim den nós imeachta agus ag leibhéal éagsúla ionadaíochta, ag brath ar chineál an phlé a mbeifear ag súil leis. Déanfaidh gach instiúid, i gcomhréir lena rialacha nós imeachta féin, a rannpháirtithe i ngach cruinniú a ainmniú, a sainordú le haghaidh na gcaibidlíochtaí a shainiú agus na hinstiúidí eile a chur ar an eolas in am trátha maidir leis na socrúithe le haghaidh na gcruinnithe.

Airteagal 24

Aontacht an bhuiséid

Áireofar caiteachas agus ioncam uile an Aontais agus Euratom i mbuiséad ginearálta an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 7 den Rialachán Airgeadais, lena n-áirítear caiteachas a bheidh mar thoradh ar aon chinneadh ábhartha a dhéanfaidh an Chomhairle d'aontoil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, faoi chuimsiú Airteagal 332 CFAE.

Airteagal 25

Aistriú i dtreo an chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile

Roimh an 1 Eanáir 2018, tólaífaidh an Coimisiún togra le haghaidh creata nua airgeadais ilbhliantúil.

Mura ndéanfar aon rialachán ón gComhairle a ghlacadh lena gcinnefear creat nua airgeadais ilbhliantúil roimh an 31 Nollaig 2020, déanfar na huasteorainneacha agus na forálacha eile a chomhfreagraíonn don bhliain dheireanach de CAI a shíneadh go dtí go nglacfar rialachán lena gcinnefear creat nua airgeadais. Má aontaíonn Ballstát nua don Aontas tar éis 2020, déanfar an creat airgeadais sínithe a athbhreithniú, más gá, chun go gcuirfear an t-aontachas san áireamh.

Airteagal 26

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 2 Nollaig 2013.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

E. GUSTAS

IARSCRÍBHINN I

AN CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL (AE-28)

(EUR milliún - i bpragsanna 2011)

LEITHREASAÍ FAOI CHOMHAIR OIBLEAGÁIDÍ	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	Iomlán 2014-2020
1. Fás Cliste agus Cuimsitheach	60 283	61 725	62 771	64 238	65 528	67 214	69 004	450 763
1a: Iomaíochas don fhás agus do phoist	15 605	16 321	16 726	17 693	18 490	19 700	21 079	125 614
1b: Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach	44 678	45 404	46 045	46 545	47 038	47 514	47 925	325 149
2. Fás inbhuanaithe: Acmhainní nádúrtha	55 883	55 060	54 261	53 448	52 466	51 503	50 558	373 179
ar a bhfuil: Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha	41 585	40 989	40 421	39 837	39 079	38 335	37 605	277 851
3. Slándáil agus saoránacht	2 053	2 075	2 154	2 232	2 312	2 391	2 469	15 686
4. An Eoraip Dhomhanda	7 854	8 083	8 281	8 375	8 553	8 764	8 794	58 704
5. Riarachán	8 218	8 385	8 589	8 807	9 007	9 206	9 417	61 629
ar a bhfuil: Caiteachas riaracháin na n-institiúidí	6 649	6 791	6 955	7 110	7 278	7 425	7 590	49 798
6. Cúiteamh	27	0	0	0	0	0	0	27
IOMLÁN NA LEITHREASAÍ FAOI CHOMHAIR OIBLEAGÁIDÍ	134 318	135 328	136 056	137 100	137 866	139 078	140 242	959 988
mar chéatadán de OIN	1,03 %	1,02 %	1,00 %	1,00 %	0,99 %	0,98 %	0,98 %	1,00 %
IOMLÁN NA LEITHREASAÍ FAOI CHOMHAIR ÍOCAÍOCHTA	128 030	131 095	131 046	126 777	129 778	130 893	130 781	908 400
mar chéatadán de OIN	0,98 %	0,98 %	0,97 %	0,92 %	0,93 %	0,93 %	0,91 %	0,95 %
An Corrlach atá ar fáil	0,25 %	0,25 %	0,26 %	0,31 %	0,30 %	0,30 %	0,32 %	0,28 %
Uasteorainn na n-acmhainní dílse mar chéatadán de OIN	1,23 %	1,23 %	1,23 %	1,23 %	1,23 %	1,23 %	1,23 %	1,23 %

- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1300/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Comhtháthaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1084/2006 ón gComhairle 281
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir le forálacha sonracha a bhaineann le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 289
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1302/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 maidir le grúpáil Eorpach um chomhar críochach (EGTC) a mhéid a bhaineann le bunú agus feidhmiú grúpálacha den sórt sin a shoiléiriú, a shimpliú agus a fheabhsú 303
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle 320
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013. maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 ón gComhairle 470
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 487
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle 549
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle 608
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle 671
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006 855



- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1310/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus a ndáileadh i dtaca leis an mbliain 2014 agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann lena gcur i bhfeidhm sa bhliain 2014 865

- ★ Rialachán ón gComhairle (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020 884



Tairiscíonn EUR-Lex (<http://new.eur-lex.europa.eu>) rochtain dhíreach agus saor in aisce ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Ar an láithreán seo is féidir breathnú ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus cuimsíonn sí na conarthaí, an reachtaíocht, an cásdlí agus gníomhartha ullmhúcháin na reachtaíochta.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach, breathnaigh ar: <http://europa.eu>



Difig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA